AN BIOBLA NAOMHTHA,

IONA BHFUIL

Leabhair na Seintiomna

Ar na ttarruing as an EABHRA go Goidheilg
tré chúram agus dhúthrachd an Doctuir,

VILLIAM BEDEL,

Roimhe so Easbug Chille móire a Néirinn:

AGUS

Na Tiomna Nuaidhe,

Ar na ttabhairt
Go fírinneach as GREIGIS go Goidheilg, re

VILLIAM O DOMHNVILL.

Noch atá anois chum maitheas coitcheann na nGaóidheail Albanach, áthruighte go haireach as an litir Eíreandha chum na mion-litre shoi-léighidh Romhanta; Maille re Suim agus brígh na Ccaibidleach ós a ccionn, a nTiodaluibh aithghearr; Re claraibh fós, ag míniughadh na mFocal budh deacraigh ré na ttuigsin, le R. K. M. A.

A LUNNDUIN,
Ar na chur a gcló re *R. Ebberingtham*, ag na seachd réultaibh sa tsráid da ngoirthear, Ave-Maria, abhfochair Luid-gheata, an bhlía. daóis an Tigh. 1690.

Ainimne agus ordughadh leabhair na ndó Thiomna, ré uibhir na Ccaibidleach.

Leabhair na Seintiomna.

AG léabhar Gheneſis Caib.	50
Exodus	40
Lebhiticus	27
Uibreacha	27
Deutronomi	34
Joſua	24
Breitheamhuin	21
Rut	4
I Samuel	31
II Samuel	24
I Ríogh	22
II Ríogh	25
I Croinice	29
II Croinice	36
Eſra	10
Nehemiah	13
Eſter	10
Job	42
Pſalm	150
Seanráite	31
Eccleſiaſtes	12
Caintic Sholaimh	8
Iſaiah	66
Jeremiah	52
Triabhuin	5
Eſeciel	48
Daniel	12
Hoſea	14
Joel	3
Amos	9
Obadiah	1
Jonah	4
Micah	7
Nahum	3
Habaccuc	3
Sephaniah	3
Haggai	2
Sechariah	14
Malachi	4

Leabhair na Tiomna Nuaidhe.

AG ſoiſgéul Mhatha Caib.	28
Mharcuis	16
Lucais	24
Eóin	21
Gníomhartha na Neasbal	28
Epiſtleacha Phóil chum na Romhánach	16
I Corinthianach	16
II Corinthiánach	13
Galatiánach	6
Epheſianach	6
Bphilippenſeach	4
CColoſſenſeach	4
I Teſſalonicenſeach	5
II Teſſalonicenſeach	3
I Timóteuis	6
II Timóteuis	4
Titus	3
Philémon	1
Na Neabhruidheach	13
Epiſtil Shemuis	5
I Epiſtil Pheadair	5
II Epiſtil Pheadair	3
I Eóin	5
II Eóin	1
III Eóin	1
Epiſtil Judais	1
Taisbeanadh Eóin	22



AN CHEAD LEABHAR DO MHAOISI DA NGOIRTHEAR GENESIS.

CAIB. I.

Cruthughadh an domhain uile a sé láithibh.

ARttús do chruthaidh Día neamh agus talamh.

2 Agus do bhí an talamh gan fhoirm, agus folamh, agus do bhí dorchadus ar aghaidh an aigéin, agus do chorruigh spiorad Dé ar aghaidh na nuisgeadh.

3 Agus a dubhairt Día, bíodh solus ann, agus do bhí an solus ann.

4 Agus do chonnairc Día an solus gur mhaith é, agus do roinn Día idir an solus agus an dorchadus.

5 Agus do ghoir Día don tsolus lá, agus don dorchadus do ghoir sé oidhche; agus do budh í an nóin agus an mhaidean an chéud lá.

6 Agus a dubhairt Día, bíodh Fiormament a meadhón na nuisgeadh, agus roinneadh na huisgeadha ó na huisgeadhuibh.

7 Agus do rinne Día an fhiormament, agus do roinn na huisgeadha faói an bhfiormament ó na huisgeadhuibh ós cionn na fiormamente; agus do bhí mar sin.

8 Agus do ghoir Día don fhiormament neamh, agus do budh é an nóin agus an mhaidean an dara lá.

9 Agus a dubhairt Día, cruinnighthear na huisgeadha atá faói neamh a néanáit, agus leígthear an talamh tirm leis: agus do bhí mar sin.

10 Agus do ghoir Día don áit thirm talamh, agus do chruinnighthibh na nuisgeadh do ghoir sé fairge; agus do chonnairc Día gur mhaith sin.

11 Agus a dubhairt Día, tugadh an talamh féur, agus an luibh as a ttig síol, agus crann toraidh do bheir toradh do réir a chinéil, a mbí a shíol ann féin ar an ttalamh; agus do bhí mar sin.

12 Agus tug an talamh mínfhéur, agus luibh do bheir síol do réir a chinéil, agus crann do bheir toradh, noch ann a raibh a shíol do réir a chinéil; agus do chonnairc Día gur mhaith sin.

13 Agus do budh é an nóin agus an mhaidean an treas lá.

14 Agus a dubhairt Día, bíodh lochrainn a bhfiormament neimhe do roinn eidir an lá agus a noidhche, agus bídís ar son chomharthaibh agus ar son aimsearuibh, agus ar son laithibh agus bliadhnuibh.

15 Agus bidís mar shoillsibh a bhfiormament neimhe, do thabhairt soluis ar an ttalamh; agus do bhí mar sin.

16 Agus do rinne Día dá lóchrann mhóra, an lóchran as mó do riaghladh an laói, agus an lóchran as lugha do riaghladh na hoidhche, agus na reulta mar an ccéadna.

17 Agus do shuighe Día iad a bhfiormament neimhe, do thabhairt soluis ar an ttalamh.

18 Agus do ríaghladh ar an ló, agus ar an oidhche, agus do roinn idir an solus agus an dorchadus; agus do chonnairc Día gur mhaith sin.

19 Agus do budh é an nóin agus an mhaidean an ceathramhadh lá.

20 Agus a dubhairt Día, tugadís na huisgeadha amach go líonmhur an créatúir corruigheach ann a bhfuil anam, agus éunlaith sheádfas eiteadh ós cionn na talmhan a bhfiormament shoilléir neimhe.

21 Agus do chruthaidh Día míola móra, agus gach uile chréutúir beó chorruigheas, noch tugadar na huisgeadha uatha go líonmhur do réir a cciniéil, agus gach uile éun sgiathánach do réir a chinéil; agus do chonnairc Día gur mhaith sin.

22 Agus do bheannaigh Día iad, ag rádh; bíodh sibh torrthach agus firlíonaidh, agus líonaidh na huisgeadha ann sna fairgibh, agus líonadh an éunlaith ar an ttalamh.

23 Agus do budh é an nóin agus an mhaidean an cúigeadh lá.

24 Agus a dubhairt Día, tugadh an talamh úadha créutúir beó do réir a chinéil, áirnéis, agus gach ní shnámhus an talamh, agus ainmhidhe na talmhan do réir a chinéil; agus do bhí mar sin.

25 Agus do rinne Día ainmhidhe na talmhan do réir a chinéil, agus áirnéis do réir a cciniéil, agus gach ní shnámhus air an ttalamh, do réir a chinéil; agus do chonnairc Día gur mhaith sin.

26 Agus a dubhairt Día, déunam an duine ann ar ndeilbh féin, do réir ar ccosamhlachda féin, agus bíodh tighearnus aige ós cionn éisg na fairge agus os

cionn éunlath an aiéir, agus ós cionn na
háirnéisi, agus ós cionn na talmhan uile,a-
gus ós cionn ann uile neithe shnámhus ar
an ttalamh.
27 Mar sin do chruthaidh Día an
duine an a iomháigh féin, a Níomháigh
Dé dó chruthaidh sé é; seardha, agus
bannda do chruthaidh sé iad.
28 Agus do bheannuigh sé iad, agus
a dubhairt Día riu; bíodh sibh torr-
thach agus méuduighidh agus líonaidh
an talamh, agus cuiridh súibh é; agus
bíodh tighearnus aguibh ós cionn éisg
na Fairge, agus ós cionn an uile neithe
chorruigheas ar an ttalamh.
29 Agus a dubhairt Día; féuch, tug
mé dhíbh gach uile luibh do bheir síol
[uadha] da bhfuil ar druim na talmhan,
agus gach uile chrann an a bhfuil toradh
croinn do bheir síol; biáidh sé na bhíadh
dhíbh.
30 Agus dá gach uile beitheach ar an
ttalamh, agus dá gach uile éun sa naiéir,
agus dá gach aoinní shnámhus ar an tta-
lamh ann a bhfuil anam, [tug mé] gach
uile luibh ghlas mar bhíadh: agus do
bhí mar sin.
31 Agus do chonnairc Día gach áoinní
dá ndéarna sé, agus féuch do bhí go ro-
mhaith: agus do budh é an nóin agus an
mhaidean an seiseadh lá.

CAIB. II.

An seachdmhadh lá ar ná naomhughadh.
21 an pósadh ar na orduighadh.

MAr sin do chríochnuigheadh na
neamhdha, agus an talamh, agus
a slúagh uile.
2 Agus annsa seachdmhadh lá do chrí-
ochnuigh Día a obair, noch do rinne sé;
agus do chomhnuigh sé ar an seachdmh-
adh lá ó na obair uile, noch do rinne
sé.
3 Agus do bheannaidh Día an seachd-
mhadh lá, agus do náomhuigh sé é,
do bhrígh gurab ann do sguir sé dá uile
obair, noch do chrûthaidh Día agus do
rinne sé.
4 A siad so geinealaigh na neamhdha
agus na talmhan, a nuáir do cruthaigh-
eadh iad; annsa ló ann ar chruthaidh
an tighearna Día an talamh agus na
neamhdha.
5 Agus gach plannda don mhachaire
súil do bhí sé annsá talamh, agus gach
uile luibh don mhachaire súil do fhás sé;
óir ní thug an tighearna Día fearthuinn
ar an ttalamh, agus ní raibh duine do
sháoithreóchadh an talamh.
6 Ach do chuáidh ceó súas ón dtalamh
agus do fhliuch aghaidh na talmhan uile.
7 Agus do chum an tighearna Día
an duine do luáithreadh na talmhan,
agus do shéid ann a pholláruibh anál na
beatha, agus táinig an duine chum bh-
eith na anam beó.
8 Agus do phlannduigh an tighearna
Día gáirdín táobh shoir ann Eden, agus do
chuir sé an duine do chum sé, ann sin.
9 Agus as an ttalamh do thug an ti-
ghearna Día ar gach uile chrann fás,
noch is taitneamhach don tsúil, agus is
maith chum bídh; crann na beatha
mar an ccéudna a lár an gháirdín, agus
crann feasa maitheasa agus uilc.
10 Agus do chuáidh abhann amach
as Eden do fhliuchhadh an gháirdín
agus do roinneadh as sin í, agus tainig ná
ceithre ceannuibh.
11 Ainm na ceud aibhne Píson, a sí
sin tig timchioll thíre Habhila uile, áit
a bhfuil ór.
12 Agus is maith ór na tíre sin; (atá)
ann, bdellium, agus an chloch ónix.
13 Agus an dara habhann Gihon,
isí sin thimchiollus tír pa Hétiópia uile.
14 Agus ainm an treas abhann Hi-
decel, a sí sin theid a táoibh shoir don
Asíria; agus an ceathramhadh abhann
Euphrátes.
15 Agus do ghlac an tighearna Día an
duine, agus do chuir a ngáirdín Eden é,
dá dheasúghadh agus dá chumhdach.
16 Agus do aithin an tighearna don
duine, dá rádh; do thoradh gach uile
chrainn annsa ghairdín féaduigh tu di-
thche go saor.
17 Ach do chrann feasa maitheasa a-
gus uilc ní íosaidh tú dhe sin; óir ânnsa
ló a níosa tú dhe, éugsa tú go deimhin.
18 Agus do ráidh an tighearna Día;
ní maith an duine bheith na áonar: do
dhéuna mé cunghnamh dhó, bhías iom-
chúbhaidh dhó.
19 Agus as a ttalamh do chum an ti-
ghearna Día a nuile bheitheach an mha-
chaire, agus gach uile éun an aéir, agus
tug leis chum Adhaimh iad, dá fhéu-
chuin cread do ghoirfeadh sé dhíobh,
agus gidh bé do ghoir Adhamh don
uile créatúir beó, a sé sin dob ainm dhó.
20 Agus do ghoir Adhamh anmanna
don uile áirnéis, agus déunuibh an aieir,
agus do uile bheitheach an mhachaire,
ach do Adhamh ní fríth cunghnamh
iomchubhuidh dhó.
21 Agus tug an tighearna Día cod-
ladh trom do thuitim ar Adhamh, agus
do chodúil sé: agus do ghlac sé áon dá
asnaibh, agus do dhruid sé an fheóil
na áit sin.
22 Agus an tasna do bhean an ti-
ghearna Día as an duine do chum sé
bean de, agus tug sé chum an duine í.
23 Agus a dubhairt Adhamh, a nois is
cnáimh so dom chnámhaibhse, agus feóil
dom fheóil, goirfighear bean di, do
chionn gurab as an bhfear do bheanadh í.
24 Uime sin fáigfidh an fear a athair,
agus a mhathair, agus ceangóluidh dá
mhnáoi; agus béid na náoin fheóil.
25 Agus do bhádar araon lomnochd
an fear agus an bhean, agus ni raibh
náire orra.

CAIB.

CAIB. III.

Peacadh an dúine. 15. agús géalladh chombfúaſgladh Dé thrid ſhíl na mná.

ANois do bhí a nathair nimhe ní
budh cealguidhe ná áoin bheith-
each ſan mhachaire dá ndéarna an ti-
ghearna Día, agus a dubhairt ſi ris an
mhnáoi: an eadh, a ndubhairt Día, ní
ioſláoi dá gach áon chrann ſa ngáirdín?
2 Agus a dubhairt an bhean ris an
athair nimhe, féadmáoid ithche do tho-
radh chrann an gháirdín:
3 Achd do thoradh an chroinn atá a
lár an gháirdín, a dubhairt Día, ní ioſa
ſibh dhe ſúd, agus ní bheanſaidh ris, dea-
gla go bhfuigheadh ſibh bás.
4 Agus a dubhairt a nathair nimhe
ris an mnáoi; ní bhfuighthí bás go dei-
mhin.
5 Oír atá a fhios ag Día ann ſa ló a
nioſláoi dhe ſin, go bhfoiſceóltar bhur
ſúile, agus go mbeithí mar Dhée, fios
maitheaſa agus uilc aguibh.
6 Agus a nuáir do chonnairc an bhean
go raibh (toradh) an chroinn maith
chum bidh, agus go raibh taitneamhach
leis na ſúilibh, agus na chrann iondúil-
eamhla chum áoin do dhéunamh eag-
nuidhe, do ghlac ſi dhá thoradh agus
do ith ſi, agus tug mar an ccéudna dá
fear maille ría, agus do ith ſé.
7 Agus do hoſgladh a ſúile aráon, agus
do aithniodar go rabhadar lomnochd, a-
gus do fhuáidheadar duilleadha fige dhá
chéile, agus do rinneadar aprúin dóibh
féin.
8 Agus do chúaladar guth an tighearna
Dé ag ſpaiſdeóireachd ann ſa ngáirdín a
bhfuardhachd an láoi, agus dfoluigh Adh-
amh agus a bhean íad féin ó fhiadhnuiſi
an tighearna Dé a measg chrann an ghá-
irdín.
9 Agus do ghoir an tighearna Día ar
Adhamh, agus a dubhairt ris: Cáit a bhfuil
tú?
10 Agus a dubhairt ſeiſion: do chúa-
la mé do ghuth annſa ngáirdín, agus do
bhí eagla orm do chionn go raibh mé nochd
uighe, agus do foluigh mé mé féin,
11 Agus do ráidh ſeiſion; cía dinnis
duit go raibh tú nochduighe? ar ith tú
don chrann do aithin miſi dhíot nach
ioſſá dhe?
12 Agus a dubhairt an fear: an bhean
tug tuſa dhamh (chum beith) am fho-
chair, tug ſí dhamh do thoradh an chro-
inn, agus dith mé é.
13 Agus a dubhairt an tighearna Día
ris an mnáoi; creud é ſo do rinne tú! a-
gus a dubhairt an bhean, do mheall a
nathair nimhe mé, agus do ith mé.
14 Agus a dubhairt an tighearna Día
ris a nathair nimhe; do bhrigh go
ndéarna tú ſo, atá tú malluighe ós an uile
áirneis, agus ós gach uile ainmhidhe an
mhachaire; ar do bholg ſhiubhólus tú,
agus luaithreadh íoſas tú ar feadh uile
laéthe do bheatha.
15 Agus cuirfe miſi námhadus eadrad
agus an bhean, agus eidir do ſhíol agus
a ſíolſan; brúighfidh ſé do cheannſa, agus
brúighfidh tuſa a ſhálſan.
16 A dubhairt ſé ris an mnáoi, méi-
deócha mé go mór do dhoilghios agus
do thoirrchiughadh; a ndoilgheas bheu-
ras tú clann, agus dot fhior (bhias)
thſonn, agus do dhéuna ſé uachtarántachd
ort.
17 Agus a dubhairt ſé ré Hadhamh, do
bhrígh go ttug tú éiſdeachd do ghuth do
mhná, agus gur ith tú don chrann ar
aithin miſi dhíot, dá rádh, ní íoſa tú dhe;
atá an talamh mallaighe ar do ſhon, a
ndoilghios íoſas tú dhe ar feadh uile laéthe
do bheatha.
18 Droighneach fós agus foghbhann-
áin do bhéura ſé dhuit, agus íoſa tú luibh
na talmhan.
19 A nallus haighthe íoſas tú arán
no go bhfilligh tú chum na talmhan; óir
is aiſde do beanadh thú; óir as luaithre-
adh thú agus chum luáithridh fhillſios
tú.
20 Agus do ghoir Adhamh Eubha
dhá mhnáoi, do bhrígh gurab í mathair
an uile bheó í.
21 Do Adhamh mar an ccéudna agus
dá mhnáoi do rinne an tighearna Día
cótuidhe croicinn, agus do éuduigh ſé íad.
22 Agus a dubhairt an tighearna Día;
féuch, atá an duine ar na dhéunamh mar
áon aguinn féin, dfios maitheaſa agus
uilc: agus a nois deagla go ccuirfeadh a
lámh amach, agus go nglacfadh fós do
chrann na beatha, agus go níosfadh agus
go mairfeadh go bráth;
23 Ar a nadhbhur ſin do chuir an ti-
ghearna amach as gáirdín Eden é do ſháo-
thrughadh an talaimh as ar tugadh é.
24 Mar ſin do thiomáin ſé an duine a-
mach, agus do chuir ſé ag an ccuid ſhoir
do ghairdin Eden Cherubínigh agus
cloidheamh laſardha, noch do iompoigh-
eadh ann gach uile táobh, do choimhéud
ſlighe chroinn na beatha.

CAIB. IV.

Geineadh Chain agus Abel. 25. Geineadh Sheth agus na naomh ſiadh.

AGus do luigh Adhamh ré na mhnáoi
Eúbha; agus do toirrcheadh í, agus
rug ſi Cáin, agus a dubhairt ſi; do
ghnoghuidh mé duine ón dtighearna.
2 Agus rug ſí a rís a dhearbhrathair
Abel, agus do bhí Abel na áodhaire
cáorach, agus do budh críadhuire Cáin.
3 Agus accionn aithe tárla ann go ttug
Cáin leis do thoradh na talmhan ofrail
don tighearna.
4 Agus go ttug Abel mar an ccéudna
do chéidghinibh a thréuda agus da ſháult;
agus do bhí meas ag an ttighearna ar A-
bel agus ar ofráil.

5 Ach ní raibh ſuim aige a Ccáin, ná
ann a ofráil: agus do bhí Cáin lán dfheirg
agus datharruigh a dhealbh.
6 Agus a dubhairt an tighearna ré
Cáin; ciodh fá bfhuil tú feargach, agus
créud far chláochluidh tú do chruth.
7 Má ní tú go maith, nach glacfuigh-
thear thú? agus muna ndéarna tú go
maith, atá an péacadh na luighe ag an
ndorus, agus (báidh) a fhonn chugadſa,
agus riaghlochuidh tú ós a chionn.
8 Agus do chomhráigh Cáin ré na
dhearbhrathair Abel; agus tarla ann a
nuair do bhádar ar an machaire gur éirigh
Cáin ſúas a naghuidh Abel a dhearbhra-
thar, agus gur mharbh é.
9 Agus a dubhairt an tighearna ré
Cáin, cáit a bhfuil do dhearbhrathair
Abel? agus a dubhairt leiſion, ní fhei-
dir miſi ſin: an miſi coimhéuduigh mo
dhearbhrathar.
10 Agus a dubhairt ſeiſion creud
do rinne tú? atá guth fola do dhear-
bhrathar ag éighmhe ormſa as an tta-
lamh.
11 Agus a nois ata tuſa malluighe
ón ttalamh, noch do oſguil a bheul
do ghlacadh fola do dhearbhrathar as
do láimh.
12 A nuáir ſháothrochus tú an ta-
lamh, ní thiubhra ſeaſda a neart duit,
ad theithmheach agus ad dheóruighe
bhías tú annſa talamh.
13 Agus a dubhairt Cáin ris an tti-
ghearna, as mó mo phionús ná mar
fhéuduim iomchar.
14 Féuch, do dhibir tú mé ó aghuidh
na talmhan ſan ló a niugh, agus foileo-
char ód ghnúis mé, agus béad am theith-
mheach agus am dheóruighe annſa ta-
lamh, agus tiucfa as ſin gidh bé air
bith theigeomhas riom, go muirfidh
ſé mé.
15 Agus a dubhairt an tighearna ris,
uime ſin gidh bé ar bith mhuirfeas
Cáin, do dhéuntar a ſheachd noirid dio-
ghaltuis air. Agus do chuir an tighearna
comhartha ar Cháin deagla aonduine
ar na fhagháil go muirfeadh é.
16 Agus do chuáidh Cáin amach
as fiaghnuiſi an tighearna, agus do ái-
tribh ſé a ttír Nod, táobh ſhoir do E-
den.
17 Agus do luigh Cáin ré na mhnáoi,
agus do toirrcheadh í, agus rug ſí E-
noch, agus do rinne cathair agus tug
ainm uirre do réir anma a mhic,
Enoch.
18 Agus do Enoch rugadh Irad, a-
gus do ghein Irad Meheujael, agus do
ghein Mehujael Metuſael, agus do ghein
Metuſael Lamech.
19 Agus tug Lamech días ban, áon
diobh dar bhainm Adah, agus an da-
ra bean dar bhainm Sillah.
20 Agus rug Adah Jabal, do bé ſin
athair na druinge do chomhnuigheadh
a bhuiblibh, agus na druinge gá mbí áir-
néis.
21 Agus do bé ainm a dhearbhrathar
Júbal; do bé ſin athair na nuile do
ghlacadh an chláirſeach agus na hor-
gáin.
22 Agus Sillah mar an cceudna rug
Túbal-Cáin, fear múinte a nuile fhir
ceirde do niodh céardachd phráis agus
iaruinn: agus do bí dearbhſhiur Thú-
bal-Cáin Náamah.
23 Agus a dubhairt Lamech ré na
mhnáibh Adah agus Sillah; éiſdigh ré
mo ghlór a mhná Lamech, eiſdigh rem
chaint, óir do mharbhus duine chum
mo lot, agus duine óg chum mo dho-
chair féin.
24 Má dhioghaltar ar Cháin ſeachd
noirid, go deimhin [dioghaltar] ar La-
mech ſeacht agus ſeachdmhodhad oi-
rid.
25 Agus do luigh Adhamh ré na
mhnáoi a ris, agus rug ſí mac, agus
tug Seth dainm air: óir ar ſiſi, do ór-
duigh Día dhamh ſíol eile a náit Abel
do marbhadh lé Cáin.
26 Agus do Shéth, rugadh mac dhó-
ſan mar an ccéudna, agus Enos do
ghoir dainm dhe: annſin do thoſuigh
dáoine gairm ar ainm an tighearna.

CAIB. V.

Beatha na nſinnſeardha ré an diliom. 24. gabhala ſuas Enoch chum Flaitheamhnas.

A Sé ſo Leabhar geinealuigh Adh-
uimh ann ſa ló ionar chruthaidh
Día an duiné, a ccoſamhlachd Dé do
rinne ſé é.
2 Feardha gus bannda do chruthaidh
ſé iad, agus do bheannuigh iad, agus
do ghoir Adhamh dainm dhiobh annſa
ló ionar cruthaigheadh iad.
3 Agus do mhair Adhamh céud agus
triochad bliaghan agus do ghein [mac]
ann a choſamhlachd féin, do réir a dheal-
bha, agus tug Séth dainm air.
4 Agus do budh iad láethe Adhaimh
tar éis Séth do gheineamhuin dó, ochd
ccéud bliaghan, agus do ghein ſé mic
agus ingheana.
5 Agus na láethe ar mhair Adhamh
uile, ba náoi ccéud agus triochad bli-
aghan iad, agus fuáir ſé bás.
6 Agus do mhair Séth céud agus cúig
bliaghna, agus do ghein Enos.
7 Agus do mhair Séth tar éis Enos do
gheineamhuin ochd cceud agus ſeachd
mbliaghna, & do ghein mic & ingheana.
8 Agus ba hiad láethe Shéth uile,
náoi ccéud agus dá bhliaghain déug a-
gus fúair ſé bás.
9 Agus do mhair Enos nóchad blia-
ghan, agus do ghein Cáinan.
10 Agus do mhair Enos tar éis Cai-
nan do gheineamhuin ochd ccéud agus
cúig bliaghna déug, agus do ghein mic
agus ingheana.
11 Agus bá hiad láethe Enos uile
náoi ccéud agus cúig bhliaghna, agus fúair
ſé bás.

12 Agus

12 Agus do mhair Cáinan ſeachdmhoghad bliaghan, agur do ghein Mahalaleel.

13 Agus do mhair Cáinan tar éis Mahalaleel do ghemeamhuin, ochd cceud agus ceathrachad bliaghan, agus do ghein mic agus ingheana.

14 Agus dob iad láethe Cáinan uile náoi cceud agus deich mbliaghna, agus fúair ſé bás.

15 Agus do mhair Mahalaleel tri fichid agus cúig bhliaghna, agus do ghein Járed.

16 Agus do mhair Mahalaleel tar éis Járed do gheineamhuin, ochd cceud agus triochad bliaghan, agus do ghein mic agus ingheana.

17 Agus dob iad láethe Mhahalaleel uile oehd cceud agus nóchad agus cúig bliaghna, agus fúair ſe bás.

18 Agus do bhí Jared beó ceud agus caogad agus dá bhlíaghain, agus do ghein Enoch.

19 Agus do mhair Jared tar éis Enoch do gheineamhuin ochd cceud bliaghan, agus do ghein mic agus ingheana.

20 Agus dob íad láethe Járed uile, náoi ccéud, agus ſeaſgad agus da bhlíaghain, agus fúair ſé bás.

21 Agus do mhair Enoch ſeaſgad agus cúig bhliaghna, agus do ghein Matuſelah.

22 Agus do ſhiubhail Enoch le Dia tar éis gheineamhna Mhatuſelah tri chéud bliaghan, agus do ghein mic agus ingheana.

23 Agus dob iad láethe Enoch uile tri chéud agus ſeaſgad agus cúig bhlíaghna.

24 Agus do ſhiubhail Enoch ré Dia, agus ní raibh ſé ann, óir rug Dia leis é.

25 Agus do mhair Mhatuſelah céud agus ochdmhodhad agus ſeachd mbliaghna, agus do ghin Lamech.

26 Agus do mhair Matuſelah tar éis Lamech, do gheineamhuin, ſeachd cceud, ochdmhodhad agus dá bhliaghain, agus do ghein mic agus ingheana.

27 Agus dob íad láethe Mhatuſelah uile náoi ccéud ſeaſgad agus náoi bliaghna, agus fuáir ſé bás.

28 Agus do mhair Lamech céud ochdmhodhad agus dá bhliaghain, agus dho ghein mac.

29 Agus do ghoir Náoi dainm dhe, da rádh; do bheura an tiſi meiſneach dhúinn a ttáoibh ar noibre agus ſháothair ar lámh, do bhrígh an talaimh do mhalluigh an tighearna.

30 Agus do mhair Lamech tar eis Náoi do gheineamhuin, cúig céud nóchad agus cúig bhliaghna, agus do ghein mic agus ingheana.

31 Agus dob íad láethe Lamech uile, ſeachd cceud ſeachdmhodhad, agus ſeachd mbliaghna, agus fuáir ſé bás.

32 Agus do bhi Náoi cúig chéud bliaghan dáois, agus do ghein Náoi Sem, Ham, agus Japhet.

CAIB. VI.

Clachadh na ndaoine. 13 *Tairrgir ima ndile.* 14 *Agus ordúghadh na hairce.*

AGus tárla a nuáir do thoſuigheadar na dáoine ar lionadh ar dhruim na talmhan agus rugadh ingheana dhóibh.

2 Go bhfacadar mic Dé ingheana na ndáoine go rabhadar ſgiamhach, agus tugadar mná chuca do nuile dhroing do thógradar.

3 Agus a dubhairt an tighearna; ní bhia mo ſpiorad a ccomhnuidhe ag crionchán ris an nduine, do bhrígh gur féoil eiſion mar an ccéudna, gidheadh béid a láethe na ccéud agus fichthe blíaghan.

4 Do bhádar aithithe ar an ttalamh ann ſna laethibh ſin; agus mar an ccéudna na dhiáigh ſin, a nuair thangadar mic Dé a ſteach chum ingheana na ndáoine, agus rugadar [clann] dóibh, do fháſadar ſin na ndáoinibh árrthachda, noch do bhí ſan tſeanaimſir na ndáoinibh iomráiteach.

5 Agus do chonnaire Día gur mhór chionnta an duine air an ttalamh, agus gach áon bhreathnughadh dá ſmuaineadh a chroidhe gurab olc é a ccomhnuighe.

6 Agus do budh aithreach leis an ttighearna an duine do dheunamh ar an ttalamh, agus do ghoill ſé air ann a chroidhe.

7 Agus a dubhairt an tighearna; ſgriosfuidh me an duine do chruthaidh me ó aghaidh na talmhan; ar áon an duine agus an beitheach, agus an ni ſhnámhus, agus éunlaith an aieir, óir as aithreach liom a ndéunamh.

8 Ach fuair Náoi gráſa a bhfiaghnuiſe an tighearna.

9 A ſiad ſo geinealuigh Náoi, do bhi Náoi na dhuine ſhiréunta, agus iomlán ann a ghinealachaibh, agus do ſhiubhail Náoi lé Dia.

10 Agus do ghein Náoi triur mac Sem, Ham, agus Japhet.

11 Do bhi an talamh mar an cceudna truáillighe a bhfiadhnuiſi Dé, agus do lionadh an talamh dfoiréigean.

12 Agus do fheuch Dia ar an ttalamh, agus féuch do bhi ſé truáillighe, óir do thruáill gach uile fheóil a ſhlighe ar an ttalamh.

13 Agus a dubhairt Dia ré Náoi, táinic críoch a nuile fheola am fhiaghnuiſi, óir is lán an talamh durchóid triothaſan; agus féuch, ſgriosfuigh mé iad maille ris an ttalamh.

14 Déuna dhuit féin áirc do choill

Ghopher, do dhéuna tú ionaid ſa
Nairc, agus cuirſe tú pic uirre aſtigh agus
a muich.
15 Agus a ſé ſo [an timdhéunamh] ar
a ndéuna tú í: a bhfad na hairce béid
trí chéud chubhad, a leithead caogad
cubhad, agus a háirde tríochad cubhad.
16 Do dhéuna tú fuinneóg do Nairc,
agus críochnochaidh tú í a ccubhad
ſhúas, agus cuirfidh tú dorus na hairce
ar a taobh; maille ré hiſliughadh
an dara agus an treas lota do dhéuna
tú í.
17 Agus feuch, miſi, miſi féin do
bhéirim tuile uiſgeadh ar an ttalamh do
ſgrios gach uile fheóla ann bhfuil anal na
beatha faoi neamh; agus gach a bhfuil
ſa talamh, do gheabha ſé bás.
18 Ach riotſa daingneóchaidh mé mo
chunnradh, agus tiucfa tú a ſteach ſa
Náirc thú féin agus do mhic agus do
bhean, agus mná do mhac maille riot.
19 Agus do gach uile ní beó, da gach
uile fheóil béuruidh tú cúpla leachd da
dach uile ſhórt ſa Náirc dá gcumhdach
beó agad, béid ſiad feardha agus
bannda.
20 Do néunlaith do reir a gcinéil,
agus do náirnéis do réir a ccineil, da
gach uile ní ſhiubhlas an talamh do réir
a chineil; cúpla do gach áon tſórt thi-
ucfas chugad dá ccumhdach beó.
21 Agus glac chugad da gach uile
bhiadh ithear, agus cruinneochadh tú
chugad é, agus biaidh na bhíadh dhuitſi
agus dóibhſion.
22 Mar ſo do rinne Naoi, do réir a
nuile ní do aithin Dia dhe, is amhlaidh
ſin do rinne ſé.

CAIB. VII.

*Thárr Naoi agus cúid do gach ſórt crea-
tuireadh, an Airc.* 11. *Táinic an tuil.*

AGus a dubhairt an Tighearna ré
Náoi, tárr féin agus do theagh uile
ann ſa Náirc, óir do chonnairc mé fíreúnta
thú am fhiaghnuiſi annſa ngeinealach
ſo.
2 Da gach uile bheathach ghlan béuruidh
tú leachd na ſeachduibh, feardha & bannda:
agus do na beathaidhibh nach bhfuil
glan na ccúpluibh, feardha agus bannda.
3 Déunlaith mar an cceudna an aiéir,
na ſeachduibh feardha agus bannda, do
chongmháil ſíl beó ar aghaidh na talmhan
uile.
4 Oir ſeachd lá fós agus do bhéura miſi
fá deara air, fearthuinn do dhéunadh ar
an ttalamh ceathrachad lá & ceathrachad
oidhche, agus gach uile ſhubſtaint beó da
ndearna mé, ſgriosfuidh mé daghaidh na
talmhan iad.
5 Agus do rinne Náoi do réir mar
do aithin an Tighearna dhe uile.
6 Agus do bhí Naoi ſé céud bliaghan
dáois a nuáir do bhí an díle uiſgeadh ar
an ttalamh.
7 Agus do chuáidh Náoi a ſteach,
a bhean, a mhic, agus mná a mhac, maille
ris don Náirc do bhrígh uiſgeadh na
dílionna.
8 Do na beathuighibh glana agus do
na beathuighibh neamhghlana, agus don
éunlaith & da gach áonni dá ſiubhlann ar
an ttalamh;
9 Do chuaidh a ſteach a dó agus a
dó chum Náoi ann ſa Náirc, feardha agus
bannda mar do aithin Día do Naoi.
10 Agus tárrla a ndiáigh ſheachd lá,
go rabhadar uiſgeadha na dílionna ar an
ttalamh.
11 Annſa ſeiſeadh ceud bliaghan dáois
Náoi annſa dara mí, an ſeachdmhadh lá
déug don mhí, an lá ſin féin do bri-
ſiodh a níos toibreacha a naigéin mhoir
uile, agus do hoſgladh comhluighe uiſge
nimhe.
12 Agus do bhí an fhearthuinn ar an
ttalamh ceathrachad lá agus ceathrachad
oidhche.
13 Annſa ló ſin fein, do chuáidh Náoi a
ſteach, agus Sem, Ham, agus Japhet, mic
Naoi, agus bean Náoi, agus triur ban a
mhac leó don Náirc.
14 Jad fein & gach uile ainmhidhe do
réir a chinéil, agus a nuile áirnéis do réir a
ccinil, agus gach ní ſhnámhus ar an ttalamh
do réir a ccinéil, agus gach uile eunlaith
da gach éun tſórt.
15 Agus do chuadar a ſteach chum Náoi
annſa náirc, cúpla agus cúpla da gach uile
fheóil ann abhfuil ánal na beatha.
16 Agus a ndeachaidh a ſteach do
chuadar a ſteach feardha agus bannda dá
gach uile fheóil mar do aithin Día
dhe, agus do dhruid an Tighearna air a
ſtigh.
17 Agus do bhí an díle ar an ttalamh
ceathrachad lá agus ceathrachad oidhche,
agus do mheadúigheadar na huiſgidhe,
agus do iomchradar ſuas a náirc agus do
tógbhadh ſúas í os cionn na talmhan.
18 Agus do rugadar na huiſgidhe
buáidh agus do mheaduigheadar go
hanmhór ar an ttalamh, agus do imthigh
a náirc ar uachdar na nuiſgeadh.
19 Agus do rugadar na huiſgidhe buaidh
go hiomarcach ar an ttalamh, agus do
bhádar na cnuic árda uile do bhí fo
neamh ar na bhfolach.
20 Cúig cubhaid déug do éirigh an
tuiſge ſúas, agus do folchadh na ſléibhte.
21 Agus do éug gach uile fheóil dár
chorruigh ar an ttalamh, idir éunuibh agus
áirnéis agus ainmhintidh agus gach áonni
ſhnámhus ar an ttalumh, agus gach uile
dhuine.
22 Gach ní ann a raibh anál na beatha
an a pholláiribh, don uile ní da raibh ar
talamh tirim, fuaradar bás.
23 Agus do ſgrioſadh gach uile ſub-
ſtaint beó noch do bhí ar druim na tal-
mhan idir dhuine & bheathach & an ní
ſhnamhus

shnámhus agus éunlaith neimhe, agus
do sgriosadh ón talamh iad, agus do
fhan Náoi amháin na bhéathaidh, agus
an luchd do bhí na fhochair sa náirc.
24 Agus do bhúadhuigh an tuisge ós cionn
na talmhan céud agus caogad lá.

CAIB. VIII.

Traothadh na tuile. 20. Buidheachas Naoi.

AGus do chuimhnigh Dia air Naoi
agus gach áonní beó, agus a uile
áirnéis do bhí na fhochair sa Náirc, agus
do rinne Dia gáoth do dhul thar án
talamh, agus do thraothadar na huis-
gidhe.
2 Do stopadh mar an cceadna toi-
breacha a naigéin agus suinnéoga neimhe,
agus do coisgeadh a nfearthuinn ó
neamh.
3 Agus do fhilleadar na huisgidhe
ó bheith ar an talamh a ccomhnuighe,
agus tareis na ccéad agus na ccáogad lá
do laghduigheadh na huisgidhe.
4 Agus do chomhnuigh a Náirc ar
an seachdmhadh mí, ar an seachd-
mhadh la déug don mhí ar shléibhtibh
Ararat.
5 Agus do thráothadar na huisgidhe
a gcomhnuidhe gus an deachmhadh
mí: annsa deachmhadh mí, ar an ccead
la don mhí do connarcas mulluighe na
sliabh.
6 Agus tárla, a ccionn cheathrachad
lá gur osguil Naoi suinneóg na háirce do
rinne sé féin.
7 Agus do chuir sé amach fiach, noch
do chuaigh amach ag teachd agus ag im-
theachd nó gur tiormuigheadh na huis-
gidhe súas ón talamh.
8 Mar an gceadna do chuir sé colum
uadha amach dféachuin nar thráothadar
na huisgidhe ó aghaidh na talmhan.
9 Ach ní bhfuair an colum áit chomh-
nuighe do bhonn a coisi, & do fhill si
chuige asteach do Nairc: óir da bhádar
na huisgidhe ar uachdar na talmhan
uile. Ann sin do chuir a lámh amach, agus
do rug uirre, & do tharraing chuige a
steach í do Nairc.
10 Agus do fhan sé fós seachd lá
oile, agus a rís do chuir sé an colum
amach as a Náirc.
11 Agus táinig an colum chuige tráth
nóna a steach, agus féach do bhí ann
a ghob duilléog chroinn ola noch do
tharruing sí, as ar aithin Naoi gur thraó-
thadar na huisgidhe ó dhruim na talmhan.
12 Agus do fhan sé fós seachd lá
oile, agus do chuir an colum amach,
noch nar fhill chuige a rís ní is mó.
13 Agus tárla, sa náonmhadh agus
sé cead bliaghan, san chéud mhí, san
céud ló don mhi, do tiormuigheadh na
huisgidhe súas ón talamh, agus do athruigh
Naoi folach na háirce, agus damhairc
sé, agus féuch do bhí aghaidh na talmhan
tirim.
14 Agus annsa dara mí air a seachd-
mhadh lá fichead don mhí do bhí an ta-
lamh tirim.
15 Agus do labhair Día ré Naói,
da radh:
16 Eirigh amach as an Airc, thú
féin agus do bhean, agus do mhic, agus
mná do mhac leachd.
17 Beir leachd amach gach éinní béo
dá bhfuil, agad don uile fheóil idir éun-
laith, agus áirnéis, agus a nuile ní
snightheach noch shnighios ar an ttalamh,
ionnus go síolfuid go líonmhar ar an
ttalamh, agus go rabhaid torrthach, agus
go ndeunaid imadughadh ar an ttalamh.
18 Agus do chuáidh Naói amach, agus
a mhic, agus a bhean, agus mná a mhac
maille ris.
19 A nuile bheathach, a nuile ní shní-
gheas, agus a nuile éun, agus gach ní
shnigheas ar an ttalamh do réir a gcinéil,
do chúadar amach as a Náirc.
20 Agus do rinne Naói altóir don
tighearna, agus do ghlac da gach éin-
bheathach glan, agus dá gach uile éun
glan, agus diodhbuir offráil loisge ar
a naltóir.
21 Agus do bholtnuigh an tighearna
deaghbhaladh, agus a dubhairt an
tighearna ann a chroidhe, ní mhillfidh
mé a ris an talamh ar son an duine ó
so amach; óir as olc smuaineadh croidhe
an duine ón óige, ní mó bhuáilfeas mé
a rís ni is mó a nuile ní béo mar do
rinne mé.
22 An feadh mhairfeas an talamh ní
sguirfidh aimsir an tsíolchuir agus an
foghmhar, agus an fuacht agus an teas,
agus an samhradh agus an geimhreadh,
agus an lá agus a noidhche.

CAIB. IX.

Fuair Naoi Beannughadh agus sólas o Dhia 13 le comhthar a bhogh uisge. 22 Cionta Cham, agus a smachd.

AGus do bheannuigh Día Naói agus a
mhic, agus a dubhairt riú; Bighi
torrthach, agus iomaduighidh, agus lío-
naidh an talamh.
2 Agus biaidh bhur neagla agus bhur
núamhan ar gach uile ainmhidhe ar an
ttalamh, agus ar gach uile éun a naiéir,
ar gach uile ní da gcorruidheann ar an
ttalamh, agus ar iásg na fairge uile; an
bhur láimh tugadh iad.
3 Gach uile ní béo da ccorruigheann
bía na bhiadh dhibhsi, amhuil mar
an luibh nglais tug mé dhibh a nuile
ní.
4 Ach feóil maille ré na hanam, eadhon
a fuil ní íósa sibh.
5 Agus go deimhin bhur bhfuil bhur
nanma loirgfe misi; as láimh a nuile
bheathuigh loirgfe mé í; agus as láimh
an duine; as láimh dhearbhrathar gach
duine íarfas mé anam an duine.

 6 Gidh

6 Gidh bé dhóirtfeas fuil duine, is
lé duine dhóirtfighear a fhuilsion;
óir is a ndeilbh Dé do rinne sé an
duine.
7 Agus sibhsi bighi tórrthach agus
jomaduighidh, geinidh go hiomarcach ar
an ttalamh, agus jomaduighidh ann.
8 Agus do labhair Dia ré Naói, agus ré
na mhacaibh maille ris, ag radh:
9 Agus misi, feuch, misi dhaingnígheas
mo chunnradh ribhsi, agus ré bhur siol
bhur ndiaigh;
10 Agus ré gach uile chréutuir béo
dá bhfuil maille ribh do néunlaith, do
náirnéis, do nuile bheathach ar talamh
atá aguibh, ón uile da ndeachuidh
amach as an áirc do nuile bheathach ar
talamh.
11 Agus daingneochaidh mé mo
chunnradh ribh, agus ní sgriosfuighear
amach gach uile fheóil ní is mó lé huis-
gidhibh na dileann, agus ní mó bhias
díle ann ni is mó do sgrios na talmh-
an.
12 Agus a dubhairt Dia, ag so
comhartha an chunnartha do nim eadrum
féin agus sibhsi agus gach uile chréatuir
béo dá bhfuil maille ribh, a ngeinea-
lachuibh síorruidhe.
13 Suighim mo bhogha annsa néull, agus
biadh sé mar chomhartha cunnartha ea-
drum féin agus an talamh.
14 Agus as amhluidh bhias, a nuáir do
bhéara mé néull ós cionn na talmhan
go bhfaicfighear an bogha ann sa
néull.
15 Agus cuimhneochaidh mé mo
chunnradh ata éadrum féin agus sibhsi,
agus gach uile chréatuir béo do nuile
fheóil, agus ní thiocfaidh uisgidhe
na dilionn do sgrios gach uile fheóla.
16 Agus biaidh an bogha annsa néull
agus feuchsa misi air, ionnus go cui-
mhneocha mé an cunnradh biothbhuan
eidir Día agus gach uile chréatuir
béo do nuile fheóil dá bhfuil ar an
ttalamh.
17 Agus a dubhairt Dia lé Naoi, ag
so comhartha an chunnartha dhaingighim
eadrum féin agus gach uile fheóil dá bhfuil
ar an ttalamh.
18 Agus mic Naói do chuáidh amach
as a nairc, dob íad Sem, Ham, agus
Japhet, agus sé Ham athair Chaná-
ain.
19 A síad so triur mac Naoi, agus
as úatha do lionadh an domhan uile.
20 Agus do thósuigh Naói ar bheith
na chriadhaire, agus do phlannduigh
gardha fíneamhna.
21 Agus do ibh sé do nfhion, agus do
bhí sé ar meisge, agus do bhí sé lomnochda
a stigh sa phailliun.
22 Agus do chonnairc Ham, athair
Chanaáin, a athair lomnochd, agus
do innis dá dhis dearbhrathar amu-
igh.
23 Agus do ghlac Sem agus Ja-
phet brat, agus do chuireadar ar a
nguáillibh aráon é, agus do chuadar a
ndiaigh accúil, agus do fholuigheadar
lomnochd a nathar, agus do bhádar a
naighthe ar anais agus ní fhacadar lom-
nochd a nathar.
24 Agus do mhúsguil Naói ó na
fhion, agus do thuig ciodh do rinne
a mhac dob óige ris.
25 Agus a dubhairt, go madh mal-
laighe bhias Cánáan; na sheirbhíseach
seirbhísigh bhías sé agá dhearbhraithribh.
26 Agus a dubhairt, go madh bean-
nuighe tighearna Dia Shem, agus biai
Cánáan na sheirbhíseach aige.
27 Do dhéuna Día Japhet go fair-
seang, agus áiteochaidh sé a bpuiblibh
Shem, agus biaidh Canáan na sheirbhí-
seach aige.
28 Agus do mhair Naói déis na di-
leanna trí chéud bliaghan agus cíogad.
29 Agus dob íad laéthe Naói uile,
náoi cceúd agus cíogad bliaghan, agus
fuair sé bás.

CAIB. X.

Geinealuigh thriur mbac Naoi. 8. Nemrod an céud Ri.

ANois a síad so geinealuigh mhac Naói,
Sem, Ham, agus Japhet: agus
rugadh mic dhóibhsin déis na dilionna.
2 Mic Japhet: Gomer, agus Magog,
agus Madai, agus Jabhan, agus Túbal, agus
Meiseich, agus Tiras.
3 Agus mic Ghómer: Ascenas,
agus Riphat, agus Togarmah.
4 Agus mic Jabháin: Elisah, a-
gus Tarsis, Kitim, agus Dodai-
nim.
5 Is léó so do roinneadh oiléin na
ngentlidheach ann a bhfearannuibh; gach
áon do réir a tteangtha, do réir a
muinntire ann a ccinidheachuibh.
6 Agus mic Ham: Cus, agus
Misraim, agus Phut, agus Ca-
náan.
7 Agus mic Chus: Seba, agus
Habhilah, agus Sabtah, agus Ráamah,
agus Sabtecha: agus mic Ráamah, Séba
agus Dédan.
8 Agus do ghein Cus Nemrod; do
thosaidh seision bheith na dhuine chumh-
achdach ar an Talamh.
9 Ba mór an fear fiadhuighe é a la-
thair an tighearna; uime sin a dubhradh,
amhuil Nemrod an sealgaire mór.
10 Agus bá hé tosach a rioghachda
Bábel agus Erech, agus Accad, agus
Calneh a gcrích Shinair.
11 As an ttír sin do chuaidh Assur
agus dfóirgnigh Ninibheh, agus an cha-
thair Rehobot, agus Calach,
12 Agus Resen idir Ninibheh, agus
Calach: is cathair mhór sin.

13 Agus

13 Agus do ghein Misraim Ludim,
agus Anamim, agus Lehabim, agus
Naphtuhim.
14 Agus Patrusim, agus Casluhim,
(ó a ttainig Philistim) agus Caph-
toirim.
15 Agus do ghein Canáan Sidon a
chéad mhac, agus Het.
16 Agus an Iebusitech, agus an Te-
moritech, agus an Girgasitech.
17 Agus an Hibhiteach, agus an
Tairciteach, agus an Siniteach,
18 Agus an Tarbhaditeach, agus an
Semariteach, agus an Hamatiteach:
agus na dhiaigh sin do leathnuigheadar
treabha na Ccanaanitech amach.
19 Agus do bhí téorann na Cca-
naanitech o Shidon, mar thig tú go
Gérar, go Gása mar théid tu go So-
dom, agus go Gomorrah, agus Ad-
mah, agus Seboim, agus mar sin go
Lasa.
20 A siad so mic Ham, do reir a
ttreabha, do réir a tteangtha, ann a dti-
orrthuibh, agus ann a gcinidheachuibh.
21 Do Shem mar an cceadna athair
chloinne Eber uile, dearbhrathair Japhet
an sinsior, rugadh fós dhósan clann.
22 Clann Shem: Elam, agus As-
sur, agus Arphaxad, agus Lud, agus
Aram.
23 Agus clann Araim; Us, agus Hul,
agus Geter, agus Mas.
24 Agus do ghein Arphaxad Sa-
lah, agus do ghein Salah Eber.
25 Agus rugadh días mhac Dé-
ber: ainm áoin diobh Peleg, oir as
ann a laéthibh do roinneadh an talamh:
agus Joctan ainm a dhearbhrathar.
26 Agus do ghein Joctan Almódad,
agus Seleph, agus Hasarmabhet, agus
Jerah.
27 Agus Hadoram, agus Usal, agus
Diclah.
28 Agus Obal, agus Abimael, agus
Seba.
29 Agus Ophir, agus Habhilah,
agus Jobab: dob iad so uile clann
Joctan.
30 Agus do bhí a *náitreabh* ó Mhe-
sa, mar théid tú go Sephar, sliabh don
táoibh shoir.
31 A síadso mic Shem do réir
a ttreabha, do réir a tteangtha ann
a bfearanntuibh, agus do réir a gcini-
dheach.
32 Agus a siad so treabha mhac
Naói do réir a ngeinealach ann a ccini-
dheachuibh: agus leó so do roinneadh
na cinidheacha annsa domhan a
ndiaigh na díleann.

CAIB. XI.

Tor Bhabel. 5. Amhluadh na Tteangtha. 10. *Geinealuigh Shem.*

AGus do bhí an domhan uile ar éin-
teanguidh amháin agus ar éanghlór.
2 Agus tarla ar naistriughadh dhóibh
ó náird shoir go bhfiaradar réiteach
a ttír Shináir, agus gur chomhnuigh-
eadar ann sin.
3 Agus a dubhradar gach áon ré
chéile, gluáisidh, déunam brícidh, a-
gus loiscíom go hiomlán íad: agus is
bríce do bhí aca mar chloich, agus
pic thalmhuighe mar mhoirtéar.
4 Agus a dubhradar, gluáisidh,
déunam cathair dhuinn féin, agus
tor a roitheachuidh a bhárr go neamh,
agus déunam ainm dhuinn féin, dea-
gla go spréighfigh sinn ar feadh na
talmhan go huilidhe.
5 Agus táinic an tighearna a
nshúas dféachuin na caithreach, a-
gus an tuir do rinneadar clann na
ndáoine.
6 Agus a dubhairt an tighearna;
féuch is áon an pobal uile, agus is
éinteanga atá aca uile, agus do tho-
suigheadar so do dhéunamh, agus a nois
ni coinneóchar élnni úatha dar shaoilea-
dar a dhéunamh.
7 Ag súd chuguinn, déunuimne síos
agus buaidhrim a nglór, ionnus nach
dtuigfid siad glór a chéile.
8 Mar sin do sgáoil an tighearna
ó chéile íad as sin ar feadh na talmhan
uile, agus do sguireadar an cathair do
thógbhail.
9 Is uime sin goirthear Bábel dainm
dhí, do chionn gur bhuaidhir an
tighearna annsin teanga an domhuin
uile, agus do spréigh an tighearna as
sin iad ar feadh na talmhan uile.
10 Ag so geinealach Shém: Do
bhi Sem céud bliadhain dáois, agus do
ghein Arphaxad dhá bhliaghain a ndiaigh
na díleann.
11 Agus do mhair Sem tar éis
Arphaxad do gheineamuin, cúig céud
bliaghan, agus do ghein mic agus
ingheana.
12 Agus do mhair Arphaxad cúig
bhliagna déug ar fhichid, agus do
ghein Salah.
13 Agus do mhair Arphaxad tar
éis Salah do gheineamhuin, ceithre chéad
agus [illegible] bliaghna, agus do ghein mic
agus ingheana.
14 Agus do mhair Salah tríochad
bliaghan agus do ghein Eber.
15 Agus do mhair Salah tar éis
Eber dho gheineamhuin, ceithre chéad
agus trí bliaghna, agus do ghein mic
agus ingheana.
16 Agus do mhair Eber ceithre
bliaghna agus triochad, agus do ghein
Péleg.
17 Agus mhair Eber tar éis Pé-
leg do gheineamhuin, ceithre chéud blia-
ghan agus tríochad, agus do ghein mic
agus ingheana.
18 Agus do mhair Péleg tríochad
blíaghan, agus do ghein Réu.
19 Agus do mhair Péleg tar éis

Réu do gheineamhuin, dha chéd agus
náoi mbliaghna, agus do ghein mic agus
ingheana.
20 Agus do mhair Réu tríochad agus
dá bhliaghain, & do ghein Serug.
21 Agus do mhair Réu tar éis Sárug
do gheineamhuin, dha chéud agus seachd
mbliaghna, agus do ghein mic agus in-
gheana.
22 Agus do mhair Serug tríochad
bliaghan, agus do ghein Nahor.
23 Agus do mhair Serug tar éis Na-
hor do gheineamhuin, dha chéud blia-
ghan, & do ghein mic & ingheana,
24 Agus do mhair Nahor náoi mblí-
aghna fichiod, & do ghein Terah.
25 Agus do mhair Nahor tar éis Térah
do gheineamhuin, ceud & náoi mbliaghna
déug, & do ghein mic & ingheana.
26 Agus do mhair Térah seachdmho-
dhad bliaghan, & do ghein Abram, Na-
hor, agus Háran.
27 A nois a síad so geinealuigh
Thérah: do ghein Térah Abram, Na-
hor, agus Haran; agus do ghein Há-
ran Lot.
28 Agus do éug Háran roimhe a
athair, ann a thír dhúthaigh féin ann
Ur na Gcaldéanach.
29 Agus tug Abram & Nahor mná
chugtha, ainm mhná Abram Sárai, &
ainm mhná Nahor Milcah, inghin Haran
athair Mhilcah, & athair Iscah.
30 Ach do bhí Sarai aimrid; ni raibh
clann ar bith aice.
31 Agus do ghlac Térah Abram a
mhac, & Lot mac Hárain mac a mhic, &
a bhainchliamhuin Sárai bean a mhic
Abram, & do chúadar amach leó ó Ur
na Gcaldéanach do dhul go tír Chanaáin;
agus tangadar go Háran, & daitreabhui-
gheadar ann sin.
32 Agus do mhair Térah dhá chéud
agus cúig bhliaghna, agus do éug Térah
ann Háran.

CAIB. XII.

Goirfear Abram. 10. *Do chuaidh as Cannan do n Egipt.* 11. *Shéun a bhean tré eagal.*

A Nois a dubhairt an tighe * a ré
Abram, éirigh romhad as do thír,
agus ód ghaol, agus ó thigh hathar go
fearann thaisbenfus misi dhuit.
2 Agus do dhéuna mé cineadh mór
dhíot, agus beannóchuidh mé thú, agus
do dhéuna mé hainm mór; & biadh tú
ad bheannughadh.
3 Agus beannóchuidh mé an mhéid
bheannochus tú, agus mailleochuidh mé
an té mhailleochas tú: is ionnadsa bhean-
nóchar treabha an domhuin uile.
4 Mar sin do imthigh Abram mar a
dubhairt an tighearna ris, & do chuaidh
Lot leis: agus do bhí Abram seachdmho-
ghad agus cúig bhliaghna dáois a nuáir
do imthigh sé as Háran.
5 Agus rug Abram Sarai a bhean leis
agus Lot mhac a dhearbhrathar agus
a substaint uile noch do chruinnigheadar
agus na hanmanna fúaradar ann Há-
ran: agus do chúadar amach do dhul
go tír Chanaáin, agus tangadar go tír
Chanaáin.
6 Agus do ghluais Abram thríd an
bhfearann go háit Shichem go réitech
Moreh: agus do bhí an Canaaníteach ann
tan sin san bhfearann.
7 Agus do fhoillsigh an tighearna é
féin do Abram agus a dubhairt; is dod
shíolsa do bheara me an duthaidh si: &
ann sin do rinne sé altóir don tighearna
noch do thaisbein é féin dó.
8 Agus do athruigh sé as sin go
sliabh taobh shoir do Bhétel, agus do
shuidhigh a phailliún, ar mbheith du
Bhetel don táobh shíar dhe, agus Hái
don táoibh shoir, agus do rinne altóir
annsin don tighearna; agus do ghoir ar
ainm an tighearna.
9 Agus do aistrigh Abram ag dul ar agh-
uidh a gcomhnuidhe don táobh ó dheas.
10 Agus do bhí gorta ann sa tír, agus
do chúaidh Abram síos don Egipt do
chomhnúighe ann sin, óir do bhí an ghorta
doilgheasach sa talamh.
11. Agus tárla a nuáir do bhi sé ar
teachd a bhfogus do dhul a steach don
Egipt, go ndubhairt sé re Sárai a bhean,
féuch annois as aithne dhamhsa go bhfúil
tusa ad mhnáoi sgiamhaidh re féachúin ort.
12 Uime sin teigeómhadh a nuáir do
chífid na Hégiptigh thú, go naibeorúid
síad; a sí so a bhean, agus múirfid misi
agus cáoimhneochúid thusa beó.
13 Gúidhim thú, abair gur tú mo
dheirbhshiur; chor go mbeithear go
maith ar do shonsa leam, agus go mairidh
manam ar do shonsa.
14 Agus tárla a nuáir tháinic Abram
don Egipt, do chóncadar na Hégiptigh an
bhean go raibh sí rosgiamhach.
15 Do chóncadar mar an ccéadna pri-
onnsuidhe Phárao í, agus do mholadar í
a lathair Pharao, agus rugadh an bhean
a steach go tigh Phárao.
16 Agus do bhi Phárao go maith ré
Abram air a son, agus do bhádar cáoirigh
aige, agus daimh agus àsail, agus seirbisigh
fhear agus seirbhisigh ban, agus banasláil,
agus cámhúill.
17 Agus do phláigh an tighearna Phá-
rao lé plághúibh móra ar son Sharai bean
Abram.
18 Agus do ghoir Phárao Abram, agus
a dubhairt; créad é so do rinne tú oram,
créd nár innis tú dhamh gur bhí do
bhean í?
19 Créd fá ndubhairt tú, a sí mo dhear-
bhshiur í; mar sin do fhéadfuinnse a ta-
bhairt mar mhnáoi; úime sin a nois féuch
do bhean, gabh chugad í agus imthigh
romhad.
20 Agus tug Phárao áithne dhá mhuinn-
tir dhá táoibh, agus do chuireadar ar siú-
bhal

bhal é féin agus a bhean agus a nuile
ni do bhí aige.

CAIB. XIII.

*Do fhág Abram an Egipt. 7. Dealaigh ſe
re Lot. 14. Do athnúaigh Dia gealladh
uma ſhliochd.*

AGus do chuaidh Abram ſúas as an
Egipt é fein agus a bhean & a nuile
ni do bhí aige.
2Agus do bhí Abram ro ſhaidhbhir a
náirnéis, a nairgead agus a nór.
3 Agus do imthigh ar aghaidh, ann a
aiſtribh ón táobh ó dheas eadhon go Be-
tel, gus an áit a raibh a pháilliún ar tús,
eidir Betel agus Hái.
4 Go háit na haltóra do rinne ſé ann
ſin ar ttús: agus do ghoir Abram ann ſin
ar ainm an tighearna.
5 Agus Lot mar anccéadna, do chuáidh
le Abram, do bhádur tréuda agus áirighe,
agus páillúin aige.
6 Agus ní tháinic do nfearann a niom-
chur, ionnus go náitreobhaidís a bhfochair
a chéile; óir do bhí a ſubſtaint cómh-
mór ſin, nár bhféidir leó comhnuighe a
náonaït.
7 Agus do bhí imreaſan eidir áodhai-
ribh áirnéiſi Abram, agus áodhairibh áirn-
éiſi Lot: agus do áitreabhadar na Ca-
náanitigh, agus na Periſitigh an tan ſin
ann ſa dúthaigh.
8 Agus a dubhairt Abram ré
Lot, guidhim thú na bíodh ceannairge
ar bith eadrumſa & tuſa, nó idir
máodhairibh & tháodhairibh: óir is
dearbhráithre ſinn.
9 Nach bfuil an duthaigh uile romhad?
guidhim thú dealuigh thu ſein riomſa:
ma áil leat gabh don láimh chle; ann ſin
geabha miſi don láimh dheis: nó [ma
théid] tú don láimh dheis, ann ſin ra-
cha miſi don láimh chlé.
10 Agus do thóg Lot a ſhuile ſúas, agus
do chonnairc réiteach Jordan uile, go
raibh uiſge go maith an gach éun taobh
ſuil do ſcrios an tighearna Sodom & Go-
morrah, eadhon amhuil gáirdín an tigh-
earna coſmhuil re talamh na Héigipte
mar thig tú go Soar:
11 Ann ſin do thogh Lot dó féin réi-
tech Jordáin uile, agus do aiſtrigh Lot
ſoir, & do dhealuigheadar iad féin gach
áon o chéile.
12 Do chomhnuigh Abram a ttir Cha-
náain agus do chomhnuigh Lot accaithrea-
chaibh an reitigh, agus do ſhuidhigh a
phailliún leath re Sodom.
13 Ach do bhádar dáoine Shodom go
holc, agus na bpeacachuibh a bhfiaghnuiſi
an tighearna go hiomurcach.
14 Agus do ráidh an tighearna ré
Abram tar éis Lot dimtheachd uadh:
Tóg ſúas a nois do ſhúile, agus féuch ón
áit a bhfuil tú do thuaigh, agus do dheas,
ſoir agus ſiar;
15 Oir an fearann uile do chi tú do bheura
miſi dhuit é, agus dot ſhíol go bráth.
16 Agus do dheana mé do ſhíol amhuil
luaithreadh na talmhan, iondus madh
fhéudan neach luaithreadh na talmhan
dáireamh, annſin aireomhthar do ſhíolſa
mar an gceadna.
17 Eírigh, ſiubhail ar feadh a nfhearuinn
ann a fhad agus ann a leithead. óir do
bhéura miſi dhuit é.
18 Ann ſin do athruigh Abram a pháil-
liún, agus táinic, agus do chómhnuigh a
reitech Mhamre, noch atá ann Ebron,
agus do chuir ſúas annſin altóir don
tighearna.

CAIB. XIV.

Lot a mbraighdionnas, ſaorfar le Habrám é.
18 *noch bheannúigthear ré Melchiſedec.*

AGus tarla a laéthibh Amraphel Rí
Sinair, Arioch Rí Ellaſar, Chedar-
laomer Ri Elamh, agus Tidal Rí na
gcineadhach.
2 Go ndearnadar ſo cogadh ré
Bera Rí Sodom, agus re Birſah Rí
Gomorrah, Sinab Rí Admah agus Seme-
ber Ri Seboiim, agus ré Rí Bélah eadhon
Soar.
3 Do iadhadurſo uile re cheile a
ngleann Siddim; noch ar bé an fhairge
ſhaillte.
4 Da bhliadhain deúg do bhádur ag
ſeirbhis do Chedorlaomer, agus ar
an treas bliadhan déug do chogadur na
aghuidh.
5 Agus annſa ceathramhadh Bliadh-
ain déug tainic Chedorlaomer, agus na
Righthe do bhi na fhochair, agus do
bhuáileadur na Rephamigh an Aſterot
Carnaim, agus na Suſimigh ann Ham,
agus na Hemimigh an Sabheh Ciria-
taim.
6 Agus na Hoiritigh ann a ſliabh,
Seir go nuige Elparan noch ata láimh
ris an bhfáſach.
7 Agus do fhilleadar, agus tangadar
go Henmiſpat eadhon Cádes, agus do
bhuaileadur crioch na Namalecitech uile,
agus mar ſin na Hamoritigh do aitreabh-
uigh Haſeſon-tamar.
8 Agus do chuaidh amach ann ſin
righ Sodom agus righ Béla (edhon Soar)
agus dfhearadar cath ríu a ngleann Sid-
dim.
9 Re Chedorlaomer rígh Elam, agus
re Tidal rígh na gcineadhach, agus Am-
raphel Rí Sinái r, agus Harioch rígh Ella-
ſar. ceithre righthe ré cúig ríghthibh.
10 Agus do bhí gleann Siddim lán do
lóguibh pice talmhuidhe, agus do theich
righ Sodom agus Gomorrah agus do thui-
teadur ionta ſin; agus an mhéid do mhair
do theitheadar ſún tſliabh.

12 Agus

11 Agus rugadur léo maitheas Sho-
dom agus Ghomorrah uile, agus a
mbiadh uile agus do imthigheadar
rompa.
12 Agus do ghabhadur Lot mac dear-
bhrathar Abram, noch do áitreabh a
Sodom, agus a mháoin, agus do imthighea-
dur.
13 Agus táinig áon do chuáidh as, agus
dinnis do Abram an teabhruidheach;
óir do áitribh sé a réitech Mhamre, an
Tamoritech, dear bhrathair Escoil, agus
dearbhrathair Aner, agus do bhádur so a
ccomhcheangal re Abram.
14 Agus a nuair do chúaluidh Abram
go raibh a dhearbhrathair gabhtha na
phriosúnach, do ármhuigh sé [a sherbhisigh]
foighdiurtha rugadh ann a thigh féin, trí
chéud agus ochd bhfir dhéug, agus do
thóruigh iadsan go Dan.
15 Agus do roinn é féin na nagh-
aidh, é féin agus a sherbhisigh sa noidh-
che, agus do bhuail iád, agus do lean orra
go Hoba atá ar an laimh chlé do Dha-
mascus.
16 Agus tug na creacha uile ar a nais
agus fós tug ar ais a dhearbhrathair Lot
agus a mhaitheas, agus na mná fós, agus
na dáoine.
17 Agus do chuaidh rígh Sodom amach
na choinne tar éis filledh ó mharbhadh
Chedorlaomer agus na righthe do bhí
na fhochair an gleann Sabheh, edhon
gleann an rígh.
18 Agus tug Melchisedec Righ Sálem
amach arán agus fíon; agus do bé sag-
art an Dé ro áird é.
19 Agus do bheannuigh sé é, agus a dubh-
airt: bíodh Abram beannuighe on Dia as
ro áirde, sealbhuighe neimhe agus tal-
mhan.
20 Agus go madh beannuighe an Día
as ro áirde, noch do thoirbhir do naimh-
de ann do láimh: agus tug se deachmhadh
a nuile neithe dhó.
21 Agus a dubhairt Righ Sodom ré
Hábram: tabhair dhamhsa na pearsanna,
agus glac an mháoin dhuit féin.
22 Agus a dubhairt Abram ré Righ
Shodom: do thóg mé súas mo lámh
chum an tighearna an Dia as ro áirde
sealbhuighe neimhe agus talmhan.
23 Nach glacfaidh misi ó shnáithe go
héill bróige, agus nach glacfa mé einní
is leachdsa, deagla go naibéorthá, do
rinne mé Abram saidhbhir.
24 Achd amháin a nduadur na hogán-
uigh, agus cuid ronna na muinntire do
chuáidh liom, Aner, Escol, agus Mam-
re, glacaidis sin a ccuid ronna.

CAIB. XV.

*Rinn Día cunnradh re Habram, ag daing-
niughadh a ghallamhna dhó, adtimchiol
a Shliochd do bheith lionmhur.*

ANdíaigh na neitheannso, táinig bria-
thar an tighearna chum Abram a
dtaisbeanadh ag rádh; ná himeagluidh
a Abram, is misi do sciath agus do
luáidheachd romhór.
2 Agus a dubhairt Abram: a thighearn
na Día, cread do bhéura tú dhamh, ó
táim ag imtheachd gan chloinn, agus gu-
rob é ann Teliezer so ó Dhamascus stíobh-
ard mo thighe.
3 Agus a dubhairt Abram, féuch ní
thug tú síol ar bith dhamh; agus féuch,
áon rugadh ann mo thigh, asé is oighre
oram.
4 Agus féuch, táinig bríathar an tigh-
earna chuige, dá rádh; ní hé so bhus
oighre ort, achd an té thiocfus amach
as tinnibh féin bhus oighre ort.
5 Agus tug leis amach é, agus a dubh-
airt; féuch annois air neamh, áirimh na
réulta más éidir leachd a náireamh: agus
adubhairt sé ris, as marso bhias do shíol.
6 Agus do chreid seision ann sa tigh-
earna; agus do mheas sé sin dó na
fhiréuntachd.
7 Agus a dubhairt sé ris, as misi an
tighearna tug amach thú as Ur na
gcaldéanach do thabhairt na tírese dhuit,
chum a beith na hoighreachd agad.
8 Agus a dubhairt seision; a thighear-
na Día, cionnus bhías a fhios agum go
madh oighreachd dhamh í.
9 Agus a dubhairt ris; glac dhamhsa
colpach thrí mblíadhan daóis, agus ga-
bhar baineann thrí mbliadhan dáois, agus
reithe thrí mbliadhan dáois, agus turtair
agus colum óg.
10 Agus do ghlac sé iadso uile chuige,
agus do rann sé ann a lár iád, agus do
chuir gach áon phíosa as coinne a chéile:
ach níor roinn sé na héin.
11 Agus a nuáir tangadar a nénlaithe a
nshúas ar na conablachoibh do dhíbir
Abram íad.
12 Agus a nuáir do bhí an ghrian ag
dul faoi, do thuit codladh trom ar A-
bram, agus féuch do thuit úathbhás dor-
chadúis mhóir air.
13 Agus a dubhairt Día ré Abram: bí-
odh a fhios agad go dearbhtha go mbi-
áidh do shíol na coimhightheacha a ndú-
thaigh nach léo féin, agus do dhéanuid
seirbhís dóibh, agus go mbéid a ndáoirse
aca ceithre chead bliaghan.
14 Agus mar an gceadna an cineadh-
sin dá ndéanuid serbhis béuradsa breath
orra, agus na dhiáigh sin tiocfaid a-
mach maille re máoin mhóir.
15 Agus rachuidh tusa chum haithreach
a siothchain, agus adhlocthar thú a
naóis fhoirse mhaith.

16 Ach san cheathramhadh geinealach
tiocfaid siad annso a rís; óir ni
bhfuil éigceart na Namoritech iomlán fós
17 Agus tàrla a nuáir do chuáidh an
ghrian faoi, agus go raibh dorcha, feuch
fuirnis dheatcha agus tóirsi le theinidh,
noch do imthigh thríd na codchuibh sin.
18 Annsa ló cheudna sin do rinne an
tighearna cunnradh ré Abram, dhá rádh;
dot shiolsa thug mé an tírsi ó abhuinn
na Héigipte go nuige an sruth mór,
sruth Euphrátes:
19 Na Cinetigh, agus na Cineisitigh,
agus na Cadmonitigh,
20 Agus na Hititigh, agus na Perisi-
tigh, agus na Rephamitigh,
21 Agus na Hamoritigh, agus na
Canaanitigh, agus na Girgasitigh, agus
na Jebusitigh.

CAIB. XVI.

*An tan thoircheadh Hágar, méaduighe a
bardan: 6. cuirfear amach í. 19. Do
Ghéill sí, 15. Agus rug Ismael.*

ANois, ní rug Sárai bean Abram clann
ar bith dhó, agus do bhí innilt E-
gipteach aice, dar bhainm Hágar.
2 Agus a dubhairt Sárai ré Abram:
féuch a nois do thoirmisg an tighearna
misi ó bhreith: iarruim ort teigh a
steach chum minnilte; dob éidir go
bhfuighinn clann da taoibh; agus tug A-
bram aire do ghlór Shárai.
3 Agus do ghlac Sárai bean Abram
Hágar a hinnilt an Tégipteach, a ndi-
áigh Abram dáitreabh deich mbliadhna
a ttír Chanáain, agus tug sí dá fear
Abram í do bheith na mnáoi aige.
4 Agus do bhí sé ag Hágar agus do
thorcheadh í, agus a nuair do chonnairc
sí go raibh sí torrach, do bhí a maighis-
treás tarcuisneach na radharc.
5 Agus a dubhairt Sárai ré Abram:
bíodh méugcóir ortsa, tug mé mo chailín
ad uchd, agus a nuáir do chonnairc sí
go raibh torrach, do bhí misi tarcuis-
neach na radharc: go udéuna Día brei-
theamhnus eadrumsa agus tusa.
6 Achd a dubhairt Abram ré Sárai:
féuch atá do chailín ad láimh féin, déuna
ría mar do chithear dhuit: agus a nuáir
do mhasluigh Sárai í, do theith sí as a
fiaghnuisi.
7 Agus fuáir Aingeal an tighearna í
láimh ré tobar uilge, san bhfásach: laimh
ris an ttobar ar a tslighe go Súr.
8 Agus a dubhairt sé; a Hágar, a chai-
lín Sharai, cia as a ttáinig tú? agus cáit
a ttéid tú? Agus a dubhairt sisi; atáim
ag teichtheamh ó radharc mo mhaighis-
treás Sárai.
9 Agus do ráidh aingeal an tighearna
ria: fill ar do mhaighistreis, agus umh-
luigh thú féin fa na lámhuibh.
10 Agus a dubhairt aingeal an tigh-
earna: méidiochuidh mé do shiol, nach
budh féidir a áireamh ar iomadamhlachd.
11 Agus a dubhairt aingeal an tigh-
earna ría; féuch atá tú torrach, agus
béura tú mac, agus do bhéura tú Ismael
dainm air: do chionn go ccúala an tigh-
earna do bhuaidhreadh.
12 Agus bía sé na dhuine fhiadhta;
biáidh a lámh a naghuidh gach áonduine,
& lámh gach áonduine na aghuidh: & coi-
mhneochuidh sé a lathair a dhearbhra-
thar uile.
13 Agus do ghoir siainm an tighearna
do labhair ría: thusa a Dhé do chí mé:
óir a dubhairt sí, nar shéuch misi mar an
ccéudna annso a ndiáigh an té do chí mé.
14 Uime sin do goireadh don tobar
Beerlahai-roi: féuch, atá sé idir Chades
agus Béred.
15 Agus rug Hágar mac do Abram,
agus do ghoir Abram Ismael dá mhac
rug Hágar.
16 Agus do bhí Abram ceithre fichid
agus sé bliadhna dáois, a nuáir rug Há-
gar Ismael dó.

CAIB. XVII.

*Ar claochlodh ainme Abram agus Sharai. 9. or-
duighthear an Timchillghearradh. agus 16.
geallfar mac dAbraham tríd Sharah.*

AGus a nuair do bhí Abram nóchad
agus náoi mbliadhna dáois; do tha-
isbéin an Tighearna é féin do Abram,
agus a dubhairt ris; Is misi an Día uile
chumhachdach, siubhuil am fhiadhnuisi
agus bí diongmhalta.
2 Agus do dhéuna mé mo chunnradh
eadrum agus tú, agus méideochuidh mé
thú go hanmhór.
3 Agus do thuit Abram ar aghuidh,
agus do chomhráidh Día ris, dá rádh;
4 Ar mo shonsa, féuch, atá mo chunn-
radh riot, agus biáidh tú a tathair mhó-
ráin cinidheach.
5 Agus ní Hábram bhus ainm ort ó
so amach; achd budh é hainm Abraham,
óir ad tathair mhoráin do chinidheach-
uibh do rinne mé thú.
6 Agus do dhéuna mé ro thórthach thú,
agus do dhéuna mé cinidheacha dhíot, a-
gus tiocfaid rìghthe asad amach.
7 Agus daingneochuidh mé mo chunn-
radh eadrum féin agus tú, agus eadrum
féin agus do shíol ad dhiaigh ann a nge-
inealachuibhsin mar chunnradh siorrui-
dhe, do bheith am Dhia dhuitse agus
dot shíol ad dhiáigh.
8 Agus do bhéura mé dhuitsi agus dot
shíol ad dhiáigh an fearann ann a bhfuil
tu ar cuairt, tír Chanaáin uile, mar
sheilbh shíorruidhe; agus bía mé mar
Dhia aca.
9 A dubhairt Día ré Hábraham; coi-
mhéudfuidh tú mo chunnradh ar a nadh-
bharsin, thú féin agus do shíol ad
dhiáigh ann a ngeinealachuibh.
10 A sé so mo chunnradh noch chomh-
allfuidhigh eadrumsa agus sibhse, agus
do shíol ad dhiaigh; gach uile ghein
mhic bhur measg biaidh sé timchillgh-
éarrtha.

11 Agus

11 Agus timchillgearrfaid feóil bhur
réumchroicinn,& biaidh sin mar chomh-
artha an chunnartha eadrumsa agus sibhse
12 Agus an mac bhías ochd lá dáois
eadruibh timchiollghearrfar é, gach uile
ghein mhic ann bhur ngeinealachuibh,
an té bhéarthar annsa tigh, no cheanno-
char ar airgead ó choimhithigheach ar
bith, nach bfuil dot shiolsa.
13 An té rugadh ann do thigh agus
an té ceannchadh ar hairgead, is éigin a
mbeith timchillghearrtha, agus biaidh mo
chunnradh ann bhur bhfeóil mar chun-
radh síorruidhe.
14 Agus an lenamh mic gan timchill-
ghearradh, gá mbia feóil a réumhchroi-
cinn gan timchillghearradh, gearrfuidh-
ear an tanam sin amach ón a phobal: do
bhris sé mo chunnradh.
15 Agus a dubhairt Día ré Hábra-
ham; ar son Shárai do mhná, ní ghoirfe
tú Sárai dhi;ach Sarah bhías dainm uirre.
16 Agus beinneochuidh misi í, agus
do bhéura mé mac dhuitsi uaithe: fós
beinneochuidh mé í, agus biáidh sí na
mathair chineadhbach; tiucfuidh Righthe
cineadhach uaithe.
17 An sin do thuit Abraham ar
aghuidh, agus do rinne gáire, agus a
dubhairt ann a chroidhe, an mbéurthar
mac don ti atá a ccionn a chéud bliadhan
dáois, agus Sárah atá nóchad bliaghan
dáois, an mbéura sí mac?
18 Agus a dubhairt Abraham ré
Día: do bfearr liom go maireadh Is-
mael ad fhiadhnuisi.
19 Agus a dubhairt Dia, béuruidh do
bhean Sárah mac dhá ríribh dhuit,
agus ghoirse tú Isaac dainm dhe, agus
daingneochaidh misi mo chunnradh ris
na chunnradh shíorruidhe, agus ré
na shíolrna dhiáigh.
20 Agus ar son Ismael, do chúala mé
thú: féuch, do bheannuigh mé é, agus
do dhéuna mé síolmhar é, agus oirlion-
fad go hiomarcach é: Dhá phrionnsa
dhéug gheinfeas sé, agus do dhéuna mé
cineadh mór dhe.
21 Ach mo chunnradh daingneochuidh
mé ré Hisaac noch bhéuras Sárah dhuitsi
annsa nuáir chinntesi, annsa bhliadh-
uinsi chuguinn.
22 Agus do scuir do bheith ag caint
ris, agus do chuáidh Día súas ó Abraham.
23 Agus do ghlac Abraham Ismael,
agus gach a rugadh ann a thigh agus
gach ar ceannchadh ar a chuid airgid,
gach uile fhirionnach a measg dháoine
thighe Abraham,agus do thimchillghearr
feóil a réumhchroicinn annsa ló sin féin
mar a dubhairt Día ris.
24 Agus do bhí Abraham nóchad agus
náoi mbliadhna a nuáir do timchill-
ghearradh é a bhfeóil a réumhchroicinn.
25 Agus do bhí Ismael a mhac
tri bliadhna déug dáois a nuair do timchill
ghearradh é a bhfeóil a réumhchroicinn.
26 Ann sa ló chéudna,do timchill-
ghearradh Abraham,agus a mhac Ismael
27 Agus a nuile fhear ann a thigh,
rugadh sa tigh, agus do cheannchadh ar
airgead ón choimhightheach,do timchill-
ghearradh iad maille ris.

CAIB. XVIII.

Abraham ag faghail rabhadh ar Sgrios Shodom. 33 rinn eidirghuidhe arson na naitreabhthach.

AGus do fhoillsigh an tighearna e féin
dó aréiteach Mhamre,agus do shuigh
sé a ndorus na puible a tteas an láoi.
2 Agus do thóg a shúile suas, agus
damharc sé, agus féuch do chonnairc sé
triur fear na seasamh láimh ris, agus
a nuáir do chonnairc sé íad do rith na
gcoinne ó dhorus na puible, agus do
chláon è féin go talamh.
3 Agus a dubhairt,a thighearna,má fuáir
mé a nois fabhar an do radharc: guidh-
im sibh ná himthigh ód sheirbhíseach.
4 Guidhim sibh, tugthar beagán uisge
[chugaibh] agus ionnluigh bhur ccosa
agus déunuidh comhnuidh fáoi an chránn.
5 Agus do bhéura misi greim aráin
leam, agus solásuighidh bhur ccroidhthe
tar éis sin imtheachuigh sibh romhuimh:
óir is uime sin tangabhair chum bhur
searbfhoghantuigh; agus a dubhradarsan,
déuna mar a dubhairt tú.
6 Agus do dheifrigh Abraham don
phubuil mar a raibh Sárah, agus a du-
bhairt, deifrigh tráth trí meadha do
mhin phlúir, fuaith é agus déuna bairgh-
eana ar an tteallach dhe.
7 Agus do rith Abraham gus a
nairighe, agus tug leis láogh brisc maith,
agus tug dóganach é, agus do dheifrigh
sé dá dheasughadh.
8 Agus do ghlac sé im agus bainne
agus an láogh, noch do dheasuigh sé; agus
do chuir na bhfiadhnuisi é, agus do
shuidh láimh ríu fáoi an chrann, agus a
dúadarsan.
9 Agus a dubhradar ris: cáit a
bfuil Sarah do bhean? agus do ráidh
seision, féuch atá sí san phubuil.
10 Agus do ráidh seision: go deimhin
fillfidh mé chugad do réir aimsire na
beatha: agus féuch Sárah do bhean
biáidh mac aice agus do chúaluidh Sárah
sin a ndorus an phubail do bhí air a cúl.
11 A nois do bhí Abraham agus Sárah
áosta, agus do chuireadar morán dá
naimsir thárrsa, agus do scuir do bheith
ag Sarah do réir chúrsa na mban.
12 Uime sin do rinne Sárah gáire
innte féin,dá rádh;tar éis mo bheith aosda
foirse, an bhfuighe mé solás, ar mbeith
foirse do mo thighearna mar an gcéudna.
13 Agus a dubhairt an tighear-
na ré Habraham: créud fa ndearna
Sarah gáire, ag rádh; an dearbhtha go
mbéura misi leanamh noch atáim foirse?
14 An bhfuil éinni rochruaidh ag an
ttighearna? ann sa nuáir chinnte fillfidh
mé

mé chugad do réir aimsire na beatha,
agus biáidh mac ag Sarah.
15 Ann sin do sheun Sárah dhá rádh;
ní dhearna misi gáire, óir do bhí
eagla uirre: agus a dubhairt seision, ní
headh ach do rinne tú gáire.
16 Agus déirgheadar na fir súas
as sin, agus dféuchadar leath ré So-
dom agus do chuáidh Abraham leó dá
mbreith ar a tslighe.
17 Agus do ráidh an tighearna:
an gceilfidh mé ar Abraham an ni si
atáim do dhéunamh.
18 O chítear go ttiucfa Abraham
go dearbhtha chum bheith na chineadh
mhór cumhachdach, agus go mbéid cini-
dheacha an domhuin uile beannui he
ann san.
19 Oir is aithnidh dhamhsa é go
ttiubhra aithne dhá chloinn, agus dá
theaglach na dhiaigh, agus coimhéd-
fuid slighe an tighearna do dhéunamh
ceirt, agus breitheamhnuis; ionnus
go ttiubhra an tighearna air Abraham
an ní sin do labhair dá thaobh.
20 Agus a dubhairt an tighearna: do
chionn gur mór comhairc Shodom agus
Ghomorrah, agus do chionn go bhfuilid
a bpeacuidh ro throm;
21 Rachuidh mê síos a nois, agus féu-
chfa mé a ndearnadur thríd amach do
réir a gcomarc tháinic go nuige mé, agus
muna ndearnsad biáidh a fios agum.
22 Agus do filleadur na dáoine a
naighthe as sin, agus do chúadar leath
re Sodom: ach do sheas Abraham go
fóill a lathair an tighearna.
23 Agus do thriall Abraham a
bhfogus, agus a dubhairt: an sgriosfuid
tú fós an firéun maraon ris an cion-
tach?
24 Do bféidir go bhfuil cáogad fi-
réun a sligh ann sa chathruigh; an scri-
osfa tú mar sin, agus nach coigeola
tú a náit arson an cháogaid fíréun atá
Innte?
25 Go madh fada sin uaitsi a dhéunamh
marso; an firéun do mharbhadh maille
ris an cciontach: agus go mbiaidh an
firéun mar an cciontach, go madh fada
sin uaitsi: nach déuna breitheamh na
talmhan uile ceart?
26 Agus a dubhairt an tighearna:
ma gheibhim a Sodom caogad firéun a
sligh san chathruigh, ann sin coigeoluidh
mé a nait uile ar a son.
27 Agus a dubhairt Abraham ar
bhfreagra dhó; féuch do ghabh misi
orm labhairt ris an tighearna, nach
bhfuil ionnam ach cré, agus luáithreadh.
28 Do bféider go tteisteabhuidh
cúigear don cháogad firéun; an sgri-
osfa tú an chathair uile ar son (easbhuidh)
cúigir? agus a dubhairt seision, má ghei-
bhim cúigear, agus dá fhichid ann, ní
sgriosfa mé í.
29 Agus do labhair sé ris fós
arís, agus a dubhairt: do bféidir
go bhfuighthigh dhá fhichid ann: agus
a dubhairt sesion: ní dhéuna mé é ar
son dá fhichthiod.
30 Agus a dubhairt sé ris, oh ná
biodh an tighéarna feargach, agus
laibhéora misi: do bféidir go bhfui-
ghthí triochad ann; agus a dubhairt
seision, ní dhéana mé é má gheibhim
triochad ann.
31 Agus a dubhairt sesion; do bfei-
dir go bhfuighthi fithche ann: agus a
dubhairt sesion: ní sgriosfa me í air son
fhithchid.
32 Agus a dubhairt sesion: oh ná
bíodh fearg ar an ttighearna, agus ní
laibheóra mé ach so amháin: do bféidir
go bfhuighthi deithneamhar ann: agus
adubhairt seision; ní sgriosfa me í ar
son an deichneamhair.
33 Agus do imthigh an tighearna
roimhe ar ball mar do scuir sé dha
chomhrádh ré Habraham; agus do fill
Abraham da áit féin.

CAIB XIX.

Sgrios na gcaithreacha neimhdhíadha.
15 Saoradh Lot. 31 Geineadh Mhoab,
agus Ammon.

AGus tangadar dá aingeal go Sodom
trathnóna, agus do bhí Lot na shuighe
a ngeata Shodom: agus a nuair do
chonnairc Lot iad, do éirigh súas do
theagmhail ríu: agus do chlaon sé é
féin maille ré na ghnúis síos go talamh.
2 Agus a dubhairt sé: féuchuidh anois
a thighearnadha, iarruim oruibh fillidh
asteach go tigh bhur seirbhisigh, agus
fhanuidh ar feadh na hoidhche, agus
ionnluigh bhur ccosa, agus eireochuidh
sibh súas go moch, agus rachaidh sibh
romhuibh ann bhur tturus: agus a dubh-
radar san; ni headh ach ansam ar a
tsráid feadh na hoidhche.
3 Agus do sháruigh sé orra go mór,
agus do fhilleadar a steach chuige,
agus do chuadur don tigh; agus do
rinne sé féusda dhóibh, agus do bhruith
sé arán gan laibhin, agus a dúadur san.
4 Ach súil do shuigheadar síos tangadur
dáoine na caithreach (edhon) dáoine
Shodom ar cheana, a nuir thimchioll an
tighe, eidir shean agus óg, an pobal uile
as gach uile taobh.
5 Agus do ghoireadur ar Lot, agus
a dubhradur ris: Cáit a bhfuilid na
dáoine tháinig chugad a nochd? tabhair
amach chuguinne iad, go mbeith a bhfios
aguinn.
6 Agus do chuaidh Lot amach san
dorus chuca, agus do dhruid sé an do-
rus na dhiaigh.
7 Agus a dubhairt, guidhim sibh a dhear-
bhráithre, ná déunaidh a chomholc sin
do ghníomh.
8. Féuchuidh a nois, atáid agum
dias

dias Inghean nar fhionn fear, Jarruim
oruibh leigidh dhamha ttabhairt chuguibh
amach agus déunaidh riú mar do chitear
dháoibh : amháin na déunuidh éinní air
na fearuibhse ; óir is chuige sin tangadur
fá dhíon mo thighese.
9 Agus a dubhradar san, seas siar:
agus a dubhradur arís, na áonar tháinic
an fearso ar chuáirt asteach agus ní
fuláir leis bheith na bhreitheamh ; a nois
do dhéanam ní is measa riotsa na ríusan,
agus do sháruigheadar go mór an toglach
[eadhon Lot,] agus tangadur a bhfogus
don dorus dá bhriseadh.
10 Ach do chuireadar na dáoine a
lámh amach, agus do thairrngeadar
Lot chuca asteach, agus do druideadur
au dorus.
11 Agus do bhuaileadar na dáoine
ag dorus an tighe le doille ó bheag go
mór, ionnus gur thuirsigheadar iad féin
ag íarruidh an doruis.
12 Agus a dubhradur na fir ré Lot ;
an bfuil agad annso éinneach eile, do
chlíamhuin, dó mhaca agus hingheana,
gidh bé ar bith ata agad annsa chathruigh
tabhair iad amach as a naitsi.
13 Oir sgriosfuimne a náit se do chionn
gur fhás a néighmhe mhór a lathair an
tigearna. agus do chúir an tighearna
sinné dhá sgrios.
14 Agus do chuáidh Lot amach, a-
gus do labhair ré na chleamhnuibh
noch do phós a ingheana, agus a
dubhairt : gluaisigh, fagbhuidh a náitsi
amach ; óir sgriosfuidh an tigh-
earna an chathair so ; ach dar lè na
chleamhnuighibh bá fear moguidh é.
15 Agus a nuàir do éirigh an mhai-
dion, an sin do bhrosduighedar na
haingil Lot ag rádh : éirigh, glac do
bhean agus do dhías inghean atá ann
so, deagla go ttuitfeá a ccionta na cai-
threach.
16 Agus mar do bhí ag déunamh
moille, rugadur na dàoine ar láimh air,
agus ar láimh a mhná, agus air láimh a
dheisi inghean, ar mbeith don tighearna
grásamhuil dó, agus tugadur leó amach
é, agus do shuigheadar taobh amuigh
don chathruigh é.
17 Agus tárla a nuair thugadur léo
amach iad, go ndubhairt sé, teith lé
tanam, ná féuch ad dhiáigh, agus na fan
annsa réiteach uile ; teith san tsliabh,
deagla do aidhmhillte.
18 Agus a dubhairt Lot ríu ; oh, ní
mar sin a thighearna.
19 Féuch annois, fuair do shearbh-
oghantuigh ghrása ad radharc, agus
do méuduigh tu do thrócaire noch do
thaisbèin tú dhamhsa ag cumhdach
mhanma : agus ní fhéuduim teitheamh
san tsliabh deagla uilc éigin do bhuain
damh, agus go bhfuighinn bás.
20 Feuch anois, is fogus an cha-
thairsi re teitheamh chuice, agus is
beag i ; oh, léigthear dhamh teitheamh
ann súd (a né nach beag í?) agus m...
sidh manam.
21 Agus a dubhairt sesion ris ; feu...
do ghabh mé hathchuinghidh chug...
attáoibh an neithesi mar an cceud...
nach millfe mé an chathairsi air son...
labhair tú.
22 Deifrigh ort, teith ann sú...
óir ní fheuduimsi einní do dhéun...
no go ndeachaidh tú ann súd : u...
sin do goireadh Soar dainm d...
chathruigh.
23 Deirigh an ghrían air an dtala...
a nuáir do chuáidh Lot a steach...
Soar.
24 Ann sin do fhear Día ár Shodo...
agus ar Ghomorrah ruibh agus teine...
tighearna amach as flaitheamhnus.
25 Agus do theilg seachad na cai...
reacha sin agus an fearann uile, a...
áitreabhuigh na ccaithreach uile, agus...
ní do fhás ar an ttalamh.
26 Ach do fhéuch a bhean na dhiái...
táobh shiar dhe, agus do rinne...
Piléir saluinn di.
27 Agus do éirigh Abraham...
moch ar maidin go nuige a náit ar sh...
sé as coinne an tighearna.
28 Agus do fheuch sé ar Shodo...
agus ar Ghomorrah, agus ar fhear...
an réitigh uile, agus do amhairc, a...
féuch do chuáidh deatach na tíre...
amhuil dheatuigh fhuirnise.
29 Agus tárla a nuair do s...
os Dia caithreacha an réitigh gur chuim...
nigh Dia air Abraham, agus gur chuir...
Lot amach as lár a náir, a nuáir...
sgrios sé na caithreacha ann a raibh L...
na chomhnuidhe.
30 Agus do chuaidh Lot suas ama...
as Soar agus do chomhnuidhe ar a tslia...
agus a dhías inghean na fhochair, óir d...
eagal leis comhnuidhe do dhéunamh...
Soar ; agus do áitribh sé a nuaimh...
féin agus a dhías inghean.
31 Agus a dubhàirt an ti budh si...
ris an tí dob óige : atá ar nath...
foirfe agus ní bhfuil duine ar domh...
do bhiáidh aguinn do réir modha...
tsháoghuil uile.
32 Gluais, tugam air ar natha...
fíon dól, agus luighfiom na fhochair...
ccoimheudum síol ó ar nathair.
33 Agus tugadar ar a nathair fío...
dól a noidhchesin, agus do chuaid...
an bhean budh sine a steach a...
do luigh le na hathair, agus níor mho...
uigh se a nuáir do luigh nó a nuáir...
éirigh si.
34 Agus tárla ar na mhárach...
ndubhairt an inghean budh sine ris...
inghein dob óige, féuch do luidh misi...
réir leam athair, tugam air fíon dól...
nochd mar an ccéudna, agus éirighsi...
steach, agus luidh leis, go ccongmha...
síol ó ar nathair.
35 Agus tugadar ar a nath...
fíon dól an oidhche sin mar an gcéu...

a, agus do éirigh an bhean dob óige, agus do luidh aige, agus níor mhothuigh seision a nuáir do luidh si síos, nó a nuáir do éirigh si.

36 Mar so do bhádar días inghean Lot torrach agá nathair.

37 Agus rug an bhean bá sine mac, agus tug Móab dainm air: a sé an fear céudna sin as athair do na Moabitibh gus a niugh.

38 Agus an bhean dob óige rug si mac mar an gcéudna, agus do goir Ben-ammi dainm dhe: a sé sin as athair do chloinn Ammon gus a niugh.

CAIB. XX.

Sarah ar na tabhairt ó Abraham, aisiogthar í saor. 17 Ag athchoimidh Abraham slanaighthear Abimelech.

Agus do ghluáis Abraham as sin don tír bu dheas, agus do áitreabh eidir Cades agus Súr, agus do rinne comhnuidhe ann Gerar.

2 Agus a dubhairt Abraham a ttáobh Shárah a mhná; a sí mo dheirbhshiur í: agus do chuir Abimelech rígh Gérar síos, agus do ghlac sé Sárah.

3 Ach táinic Dia go Habimelech a naisling sa noidhche, agus a dubhairt ris: féuch, ní bhfuil ionnad ach duine marbh tres an mnáoi do ghlac tú: oir is bean fir í.

4 Ach ní tháinig Abimelech na gar; achd a dubhairt sé, a thighearna, an muirfidh tú mar sin cineadh ionnruic?

5 Nach dubhairt, seision riomsa, sí mo dheirbhshiur í? agus sisi mar an gcéudna, isi féin a dubhairt, sé mo dhearbhrathair é: a simplidheachd mo chroidhe, agus a neimhchionta mo lamh, do rinne misi so.

6 Agus a dubhairt Día a naisling ris: is fíor, is aithnidh damhsa gur ó chroidhe ghlan do rinne tú so; óir do chonnuimh mé ó pheacadh do dheunamh am aghaidh thú: Uime sin nar léig mé duit buain ria.

7 Uime sin annois aisig don fhior a bhean; óir is faidh é, agus guidhfidh ar do shon, agus biadh tú beó; agus muna aisiogtha tú í, biodh a fhios agad go bhfuighe tú bás go deimhin, thú féin agus an mheid ghabhus leachd.

8 Uime sin do éirigh Abimelech go moch ar maidin, agus do ghoir a sherbhisigh uile chuige, agus do innis na neithesi uile ann a gcluásuibh, agus do líonadar na dáoine deagla mhóir.

9 Ann sin do ghoir Abimelech Abraham, agus a dubhairt ris: créd do rinne tusa linne, agus créud a nurchóid do rinne mé féin duit, ás a ttug tú peacadh mór oram féin agus ar mo ríoghachd? do rinne tú gníomha orumsa nár chóir a dhéunamh.

10 Agus a dubhairt Abimelech ré Abraham; créd do chonnairc tú as a ndearna tú an ní si?

11 Agus a dubhairt Abraham; do chionngnut shaoil mé go deimhin nach bhfuil eagla Dé sa náitsi, agus go muirfidhe misi ar son mo mhná.

12 Agus go deimhin thairis sin a sí mo dhearbhshiúr í; is inghean dom athair í, ach ní hinghean dom mhathair í: agus tugadh na mnáoi dhamh í.

13 Agus tárla a nuáir thug Dia ormsa imtheachd romham ó thigh mathar do ráidh ma ría; is è so do chineáltussa do dhéunas tú orumsa; ann gach uile bhall iona ttiucfam, abair dom tháobhsa, a sé mo dhearbhrathair é.

14 Agus do ghlac Abimelech cáoirigh agus daimh, agus ógláoich, agus inniltigh, agus tug do Abraham íad, agus do aisig Sarah a bhean dó.

15 Agus a dubhairt Abimelech, féuch atá mo dhuthaigh as do choinne, comhnuigh sa náit is fearr chitear dhuit.

16 Agus ré Sárah a dubhairt sé, féuch, tug mé dot dhearbhrathair míle [píosa] airgid, féuch atá sé dhuitsi na fholach súl, do nuile da bhfuil ad fhochair, agus a bhfochair a nuile [eile:] mar sin fuáir si achmhusán.

17 Ann sin do ghuidh Abraham Día, agus do leighis Dia Abimelech agus a bhean agus inniltigh, agus rugadar clann.

18 Oir do dhruid an tighearna go daingean a nuile bhrú a ttigh Abimelech ar son Shárah bean Abraham.

CAIB. XXI.

Geineadh Isaac ó Sharah. 4 A thimchillghearradh. 9 Fuadighadh Hagar agus Ismael.

Agus táinig an tighearna dféuchuin Shárah mar a dubhairt sé, agus do rinne Dia do Shárah mar a dubhairt sé.

2 Oir do toirrcheadh Sárah, agus rug mac do Abraham na áois fhoirfe, ann sa namchinnte dar labhair Dia ris.

3 Agus tug Abraham Isaac dainim air an mac rugadh dhó, noch rug Sárah dhó.

4 Agus do thimchillghearr Abraham a mhac Isaac, ar mbeith ochd lá dáois, fá mar daithin Dia dhe.

5 Agus do bhí Abraham céud blíaghan dáois a nuáir do rugadh a mhac Isaac dhó.

6 Agus a dubhairt Sárah, tug Dia orum gáire dhéunamh, ionnus gach a ccluinn, go ndéunuid gáire liom.

7 Agus a dubhairt sí, Cia a déaradh ré Habraham go ttiubhradh Sárah cíoch do chloinn? óir rug mè mac dhó na áois fhoirfe.

8 Agus do fhás an leanamh agus do hoileadh é, agus do rinne Abraham féusda mór an lá céudna ar coisgeadh Isaac ó chích.

9 Agus do chonairc Sárah mac Há-
gar an Tégipteach, noch do rug ſí Da-
braham, ag magadh.
10 Uime ſin a dubhairt ſi ré Habra-
ham, teilg amach an bhean dhaorſa
agus a mac, óir ní bhía mac na mná
dáoire na oighre maille ré mo mhacſa,
eadhon Iſaac.
11 Agus do bhí an ní rodhoiligh a
ſúilibh Abraham ar ſon a mhic.
12 Agus a dubhairt Día ré Hábraham;
ná bíodh ſé na dhoilgheas agad ar ſon
a nogánuigh agus ar ſon do mhná
dáoire: ſa nuile ní dá ndubhairt Sárah,
éiſd ré na glór, óir is an Iſaac goir-
fidhear do ſhliochd.
13 Agus mar an gceudna do mhac na
mná dáoire do dhéuna miſi cineadh, do
bhrígh gurab é do ſhíolſa é.
14 Agus do éirigh Abraham ſúas go
moch ar maidin, agus do ghlac arán
agus buidél uisge, agus tug ſin do Há-
gar, agus do chuir ar a gualuinn é, a-
gus an leanamh, agus do chuir ar ſiubhal
í, agus do imthigh ſí, agus do bhi ar
ſud f háſuigh Bheerſéba.
15 Agus do caitheadh an tuiſge do
bhí ſan mbuidél, agus do theilg ſi an lea-
namh fá áon do na toruibh.
16 Agus do imthigh agus do ſhuigh
ſíos as a choinne, tamal maith uadh fa
thuairim urchuir ſhoighde: óir a dubhairt
ſí, ná faicim bás an leinimh. Agus do
ſhuigh ſí as a choinne anunn, agus ar
ttógbhail a gotha go hárd, do ghuil
ſí.
17 Agus do chúaluidh Dia guth an
leinimh, agus do ghoir aingeal Dé ar
Hágar ó neamh, agus a dubhairt ría:
créd ghoilleas ort a Hágar; ná bíodh
eagla ort, óir do chúaluidh Día guth an
leinimh mar a bhfuil ſé.
18 Eirigh, tóg ſuas an leanamh, a-
gus connaimh ann do láimh é, oir do
dheuna miſi cineadh mór dhe.
19 Agus do oſcuil Dia a ſúile; a-
gus do chonnairc ſí tobar uisge, agus
do imthigh, agus do líon an buidél do
nuiſge, agus tug deoch don lea-
namh.
20 Agus do bhí Dia leis an leanamh,
agus do fhás ſé, agus do chomhnuigh ſan
bhfáſach, agus do bhí na ſhoighdíur.
21 Agus do chomhnuigh a bhfáſach
Pháran, agus tug a mhathair bean chuige
ó chrích na Héigipte.
22 Agus tárla fa namſin gur labhra-
dar Abimelech agus Phichol príomh-
chaiptín a shlúagh ré Hábraham:
ata Día leachtſa ſa nuile ní dá ndéun
tú.
23 Annois ar a nadhbharſin tabhair
dhamſa Día do mhionnuibh, nach déuna
tú bréag riom, ná ré mo mhac, no ré
mac mo mhic: ach do réir an chinéil do
rinne miſi ort, go ndéuna tuſa dhamh-
ſa agus don duthaidh ann ar fhan tú.
24 Agus a dubhairt Abraham, do
bhéura mé mo mhionna.
25 Agus tug Abraham a chimhuſan
bimilech fá thobar uiſge do bhean
inntir Abimilech amach ar éigin.
26 Agus a dubhairt Abimelech,
fheidir miſi cía rinne an ní ſi:
innis tuſa dhamh agus ni mó do ch
mé é achd a niugh.
27 Agus do ghlac Abraham cáoir
agus daimh, agus tug Dabime
íad, agus do rinneadar aráon c
gal.
28 Agus do chuir Abraham ſea
nuain bhoinonna don tréd ar leith
féin,
29 Agus a dubhairt Abimelech
Hábraham: créud as cíall do na ſea
nuanuibh bainonnaſo do chuir tú
leith?
30 Agus a dubhairt ſeiſion: óir
ſeachd nuain bhainonnſo géobhu
tuſa as mo láimhſe, ionnus go mbeid
bhfiadhnuiſi agum gur thochuil mé
tobarſo.
31 Uime ſin do ghoir ſé do náit
Beerſeba, do chionn gurab ann tu
dar aráon mionna.
32 Mar ſo do rinneadar cunnradh,
Mbeerſéba; ann ſin do éirigh Abi
lech ſuas agus Phichol príomhchaip
a ſhlúagh, agus do fhilleadar go crích
Bhphíliſtineach.
33 Agus do chuir Abraham fás chra
a Mbeeréba, agus do ghoir ann
ar anim an tighearna an Día bio
bhúan.
34 Agus do fhan Abraham a ccrích
Bhiphliſtineach morán do laéthibh.

CAIB. XXII.

Ordughadh adtimcheall Iſaac a Jodhbre
3. umhlachd Abraham. 13. Saoradh Iſa

AGus tárla a ndiaigh na neitheann
gur theaſduigh Dia Abraham,
gus go ndubhairt ris: a Abrahaim
agus a dubhairt ſeiſion; féuch
annſo.
2 Agus a dubhairt: glac annois
mhac, háonmhac amháin, Iſaac, ar
bhfuil grádh agad, agus eirigh go cr
Mhóriah, agus jodhbuir ann ſin é m
offráil loisge, air áon do na ſléibhtibh
neóſus miſi dhuit.
3 Agus do éirigh Abraham go mo
ar maidin, agus do ughmuidh a aſal,
gus rug días dá ógánchuibh leís, agus
mhac Iſaac; agus do ſcoilt an co
nadh don offráil loisge, agus do éirig
ſúas, agus do chuáidh gus a náit a dub
airt Día ris.
4 An ſin ar an treas lá do thóg A
braham a ſhuile ſúas, agus do chonnai
a náit a bhfad uadh.
5 Agus a dubhairt Abraham ré
óganachuibh; ſanuidhſi annſo, a bhfoch
a naſail, agus rachaidh miſi

n leanamh ann súd; agus do dhéa-
am adhradh, agus tiucfam chuguibhs
ris.
6 Agus do ghlac Abraham con-
adh na hoffrála loisge, agus do
huir é ar muin a mhic Isaac, agus
o ghlac an teine na láimh, agus
ian, agus do chúadur aráon le
héile.
7 Agus do labhair Isaac re na athair
Abraham, agus a dubhairt, a athair; a-
us a dubhairt seision: ag so mé a mhic:
gus a dubhairt seision: féuch ag so
n teine agus an connadh, ach cáit a
bhfuil an túan chum na hofrála lo-
sge?
8 Agus a dubhairt Abraham; a mhic
o gheabha Día úan dó féin chum of-
ála loisge: do chúadur mar sin aráon
é chéile.
9 Agus tangadar aráon gus a náit
o innis Día dhósan, agus do rinne A-
raham altóir ann sin, agus do chuir
n connadh go deas, agus do cheangail
mhac Isaac, agus do leag ar a nal-
óir é ar úachdar an chonnuigh.
10 Agus do shín Abraham a lámh
mach, agus do ghlac an sgian do mhar-
hadh a mhic.
11 Agus do ghoir aingeal an tighear-
a air ó neamh, a agus a dubhairt; Abra-
aim, Abrahaim: agus a dubhairt seisi-
n; ag so mé.
12 Agus a dubhairt sé, ná beanadh do
ámh ris an leanamh, agus ná deun éin-
í ris: óir aithnighim a nois go bhfuil
agla Dé ort, ó nár chonnuimh tú do
hac, háonmhac amháin uáim.
13 Agus do thóg Abraham a shúile
úas, agus damhairc sé, agus féuch, do
hí táobh shiar dhe reithe ceanguilte
é na adharcuibh ann a ttor, agus
o chuáidh Abraham agus do ghlac an
eithe, agus do iodhbuir é mar ofrail
oisge a náit a mhic.
14 Agus do ghoir Abraham dainm do
áitsin Jehobhah-Jireh, mar a dearthar
us a niugh; a sliabh an tighearna do
hifidhear é.
15 Agus do ghoir aingeal an tigh-
rna ar Abraham an dara huair ó
eamh.
16 Agus a dubhairt; do mhonnuigh
é oram féin, arsa an tighearna, do
hionn go ndearna tú an ní si, agus
ar choigil tú do mhac, háon mhac
mháin:
17 Am beannughadh go mbeanno-
had thú, agus go méideochuidh mé do
iol amhuil réulta nimhe, agus mar an
aineamh ar thráigh na fairge, agus
lbhochuid do shíol geataidhe a námh-
d.
18 Agus ann do shíolsa bheid a nuile
ineadh ar talamh beannuighe, do chionn
r umhluigh tú dom ghlór.
19 Mar sin do fhill Abraham a cci-
n a ógánach, agus do éirgheadur súas
agus do chúadur an néinfeachd go Beer-
seba, agus do chomhnuidh Abraham a-
mBeerseba.
20 Agus tárla tar éis na neitheannso,
gur hinniseadh Dabraham, ag rádh;
feuch Milcah mur rug sí mar an gcéudna
clann dod dhearbhrathair Nahor.
21 Hus a cheidghin, agus Bus a
dhearbhrathair, agus Cemuel athair
Aram.
22 Agus Chesed, agus Haso, agus
Pildas, agus Jidlaph, agus Betuel.
23 Agus do ghein Betuel Rebecah:
an tochdar so rug Milcah do Nahor
dearbhrathair Abraham.
24 Agus a leannán, dá ngoirthí Reu-
mah, rug si mar an ccéudna Tébah, &
Gaham, & Tahas, & Maacah.

CAIB. XXIII.

*Aois agus bás Shárah. 19. ionad a hadh-
laicthe.*

AGus do bhí Sárah céud & seachd
mbliadhna fichiod dáois: a siad so
bliadhna bheatha Shárah.
2 Agus fuáir Sárah bás a Cciriat-arba;
a se sin Hebron a ttír Chanaáin: agus
táinig Abraham do dhéunamh doilghis
fa Shárah, & do ghul tríthe.
3 Agus do sheas Abraham súas ó la-
thair a mhairbh, agus do labhair ré
macuibh Het, dhá rádh.
4 Atáimsi am choimhightheach a-
gus am fhior cuarta aguibhse, tugaidh
dhamh áit adhluice aguibh, go nadhla-
cuinn mo mhairbh as mo radharc.
5 Agus do fhreagradar clann Hét
Abraham, ag rádh ris.
6 Eisd rinne a thighearna, a táoisi ad
phrionnsa chumhachdach ó Dhia ead-
ruinne, cuir do mhairbh an do rogha
róimh adhlaice dá bhfuil aguinn; ní
choinneochuidh áonduine aguinn a thú-
ma uáit.
7 Agus do sheas Abraham suas, agus
do umhluidh sé é féin do mhuinntir na
tíre, eadhon do chloinn Hét.
8 Agus do labhair sé riu, ag radh: má
sí bhur ninntinn go nadhlacuinn mo
mhairbh as mo radharc, éistigh rium,
agus labhruidh ar mo shon re Hephron
mhac Sohar.
9. Go ttugadh sé dhamh uáimh Mhac-
pelah, noch atá aige, atá a ndeireadh a
mhachaire; ar iomlán a nairgid as fiu
é do bhéura se dhamh é, mar sheilbh
áite adhlaice eadruibhsi.
10 Agus do bhi Ephron na chomhnui-
dhe a measg chloinne Hét, agus do
fhreaguir Ephron an Tititech Abraham
a néisdeachd chloinne Héth, eadhon
gach áoin dá ndeachuidh a steach
a ngeatadhuibh a chaithreach, dá
rádh.

11 Ní headh a thighearna, éisd rium-
sa; an magh do bheirim dhuit, agus a
nuáimh atá ann do bheirim dhuit é, a
lathair chloinne mo dháoine bheirim
dhuit é: adhluic do mhairbh.
12 Agus do umhluigh Abraham é
féin sios a lathair luchd na tíre.
13 Agus do labhair ré Héphron a
néisteachd phobuil na tíre, ag rádh; ach
má bheir tusa uait é, iarruim ort éisd
riumsa: do bhéura misi airgead duit ar
an magh; glac uáim é, agus adhlaicfidh
mé mo mhairbh ann.
14 Agus do fhreagair Ephron Abra-
ham ag rádh ris.
15 A thighearna, éist riumsa, as fíu
an fearann ceithre chéud secel airgid;
créad é sin eadrumsa agus tusa; uime
sin adhluic do mhairbh.
16 Agus tug Abraham airé Déphron
agus do mheadhuigh Abraham an tair-
gead Déphron fá mar dainmnidh sé a
néisteachd mhac Hét, ceithre chéad secel
airgid choróntá ag an cceannuighe.
17 Agus magh Ephroin, noch do bhí
a Machpelah, as comhair Mhamre,
an magh agus a nuaimh do bhí ann sin,
agus a nuile chrann do bhí san mbachaire
noch do bhí ann sna teórannuibh fá
ccuairt, do rinneadh daingean íad.
18 Dabraham mar sheilbh, a lathair
chloinne Hét, as coinne a ndeachuidh a
steach a ngeatadhuibh a chaithreach.
19 Agus na dhiaigh so do adhluic
Abraham Sárah a nuáimh mhuighe
Mhachpelah láimh re Mamre: a sé sin
Hébron a ttír Chánaain.
20 Agus an magh, agus a nuaimh atá
ann do rinneadh daingean iad Dabra-
ham mar sheilbh áite adhluicthe o
mhacuibh Hét.

CAIB, XXIV.

*Eliesér ar ttabhairt Rebecah leis as Mesopota-
mia, 67 ghabh Isaac chuige na mnaoi
phósda í.*

AGus do bhí Abraham áosta, agus ar
ndul a láethibh, & do bheannuigh
an tighearna Abraham sa nuile ní.
2 Agus a dubhairt Abraham ris an
tsearbhfhoghantuigh fá sine na thigh,
do riaghluidh a nuile ní dá raibh aige,
Guidhim thú cuir do lámh faoi mo
shliasuid.
3 Agus do bhéur ort a mhionnughadh
treas an ttighearna Día mór nimhe, &
Día na talmhan, nach dtiubhra tú bean
dom mhac dingheanuibh na Ccanaani-
tech; a measc a náitreabhuim.
4 Ach rachaidh tu dom thír dhúthaigh
agus go nuige mo ghaol, agus do bhéura
tú bean dom mhac Isaac.
5 Agus a dubhairt an searbhfoghan-
tuigh ris, do bféidir nach bíadh fonn ar
an mnáoi misi leanmhuin don tírsi: an
ccaithfidh mé do mhac do bhreith a
don tír as a ttáinic tusa.
6 Agus a dubhairt Abraham r
tabhairsi dod aire nach béura tú mo m
ann sin a rís.
7 An tighearna Día nimhe, noch
misi ó thigh mathar agus ó dhúthuighe
chinidh, agus noch do labhair rium,
tug a mhionna dhamh ag rádh;
shíol do bheura mé an dúthaighsi,
fidh sé a aingeal romhad, & do bh
tú bean dom mhac as sin.
8 Agus muna áill ris an m
do leanmhuin ann sin bhías tusa saor
mhionnuibhsi; amháin ná beir mo m
an sin a rís.
9 Agus do chuir an searbhoghant
a lamh faoi shliasuid Abraham a m
ghistir, agus tug a mhionna dh
ttáoibh na cúisisin.
10 Agus do ghlac an searbhfhog
tuigh deich ccámhuill do ccámhuill
mhaighistir, agus do imthigh (óir do
máoin a mhaighisdir uile sa na lamh
agus do éirigh sé, agus do chuáidh
Mesopotámia go cathair Nahor.
11 Agus tug ar a chámhulluibh a
gion ar a nglúinibh táobh a muigh
chathruigh laimh ré tobar uisge a n
sir an tráth nóna, eadhon sa n
ttéid mná amach do tharruing uisg
12 Agus a dubhairt sé: a thigh
a Dhé mo mhaighistir Abraham,
ort rathaidh dhamh san ló so, & tai
cinealtus dom mhaighistir Abraham.
13 Feuch atáim am sheasamh ann
láimh ris an ttobar uisge, agus t
ingheana mhuinntire na caithreach am
do tharruing uisge.
14 Agus tigeadh a ccrích, an mha
dean ré naibeóra misi, guidhim
leig ar lár do shoitheach, go nibhe
deoch; agus a dèura sisi, ibh, agus
bhéura mé deoch dot chámhulluibh
an ccéudna, go madh í sin an bhean
órduigh tusa dot sheirbhiseach Isaac;
ris sin aitheórus misi gur thaisbé
cinealtus dom mhaighistir.
15 Agus tárla, suil do sguir sé
chaint, seuch go ttáinic Rebecah am
noch rugadh do Bhetuel mhac Mil
bean Nahor, dearbhrathair Abraham,
a soitheach ar a gúalainn.
16 Agus do bhí a noighbhean
sgíamhach ré feachuin uirre, na maigh
& níor chionntuigh éinfhear ría: &
chuáidh sios gus an ttobar, agus do
a soitheach, & táinig a nshíos.
17 Agus do rith an seirbhiseach
theagmháil ría, & a dubhairt: guidh
thú, leig dhamhsa beagan uisge ól as
shoitheach.
18. Agus a dubhairt sisi, ibh a
ghearna: agus do rinne si deifir,
do leig síos a soitheach air a láimh,
tug deoch dhó.
19 Agus tar éis deoch a thabh
dhósan a dubhairt si, tarreonguidh

...iſge fós dod chámhulluibh go nibhid
...odiol.
20 Agus do dheiſrigh, agus do
...olmhuigh a ſoitheach ann ſa numar, &
...o rith a rís gus an ttobar, do thar-
...ng uiſge, agus do tharruing dá chámh-
...uibh uile.
21 Agus ag déunadh iongantuis do
...óglach, do bhí na thochd, da fhéuchoin
...ndearna an tighearna a thurus ſona, nó
...ch dearna.
22 Agus tárla a ndiaigh na ccamhull
... a ſaith, go rug an tóglach ar
...hlúasfháinne óir, leith-ſhecel do chomh-
...rum, & dhá bhráiſléd da lámhuibh do
...omhthrum dheich ſecel óir.
23 Agus a dubhairt, cía dar ab in-
...ean tú ? guidhim thú, innis damh ;
...n bhfuil áit a ttigh hathar ann ar ſeidir
...n lóiſtín dfaghail.
24 Agus a dubhairt ſiſi ris: as miſi
...ghean Bhétuel mhac Milcah, noch rug
... do Nahor.
25 A dubhairt ſi fós, atá aguinne
...ighe agus beatha go lór agus áit
...iſtín.
26 Agus do chrom an tóglach a
...eann ſíos, agus do onóruigh ſé an tí-
...hearna.
27 Go-madh beannuighe an tighearna
...ía mo mhaighiſtir Abraham nach ar
...hearmuid mo mhaighiſtir ann a thróc-
...ire, & ann a fhírinne: ar mbeith
...hamhſa ar ſlighe do threóruigh an tigh-
...arna mé go tigh dhearbhráithreach mo
...mhaighiſtir.
28 Agus do rith a nóigbhean, agus
...o innis do mhuinntir tighe a mathar
...a neitheſi.
29 Agus do bhí dearbhráthair ag Re-
...ecah, agus a ſé dob ainm dhó Lában,
...gus do rith Lában amach gus a nóg-
...ch go nuige an tobar.
30 Agus tárla a nuáir do chonnairc ſé
...n fainne cluaiſe & na bráiſléid ar lámh-
...ibh a dheirbhſheathrach, agus a nuáir
...o chuála bríathra Rebecah a dheirbh-
...eathrach ag rádh, mar ſo do labhair an
...óglach rium ; go ttáinic chum a nóg-
...ich, & féuch do bhí ſé na ſheaſamh
...mh ris na cámhulluibh ag an ttobar.
31 Agus a dubhairt ſé, tárr a ſteach
...ſa atá beannuighe ón dtighearna,
...éud fá ſeaſann tú amuigh ? óir do
...léus miſi an tigh agus áit do na
...mhulluibh.
32 Agus táinig an toglach don tigh ;
...gus do ſgáoil ſeiſion a chámhuill, agus
...g tuighe & bíadh do na cámhullaibh,
...us uiſge dionnladh a chos, agus cos na
...uinntire do bhí leis.
33 Agus do cuireadh bíadh na bhfi-
...nuiſi ré na ithe ; achd a dubhairt ſeiſi-
...n, ní ioſuidh mé bíadh nó go ninniſi mé
...o theachdaireachd. Agus a dubhairt
...ſion, abair uáit.
34 As miſi óglach Abrahaim.
35 Agus do bheannuigh an tighéarna
...o mhaighiſtir go mór, agus do fhás ſé
mór, agus tug ſé dhó tréuda agus
airgheadha, & ór & airgead, agus
ſeirbhíſigh fear & ſeirbhíſigh ban, agus
cámhuill agus aſail.
36 Agus Sárah bean mo mhaighiſtir
rug ſí mac dom mhaighiſtir a nuáir do
bhí ſí áoſda, agus as dó ſin tug ſé a
raibh aige.
37 Agus tug mo mhaighiſtir mionna
ormſa, ag rádh ; ní thiubhra tú bean dom
mhac dingheanuibh na Ccanaaníteach,
a ndúthaidh a bhuilim am chomhnuidhe.
38 Ach rachaidh tú go tigh máthair,
agus go nuige mo gháol, agus do bhéura
tú bean dom mhac.
39 Agus a dubhairt miſi rém mhai-
ghiſtir, gur bhféidir nach leanſadh an
bhean mé.
40 Agus a dubhairt ſeiſion rium ;
an tighearna as comhuir a ſiubhluimſi
cuirfidh ſé a aingeal leachd, agus ſoir-
bheóchuidh do ſhlighe, agus do bhéura tú
bean dom mhacſa dom gháol, agus do
thigh máthar.
41 Ann ſin bhías tú ſáor om mhí-
onnuibhſi, a nuáir thiucfas tú go nuige mo
ghaol ; & muna ttugaid ſiad bean duit,
biáidh tú glan óm mhionnuibhſi.
42 Agus táinig mé a niuigh go
nuige an tobar uiſge, agus a dubhrus ; a
thighearna Día mo mhaighiſtir Abraham,
annois má ſhoirbhigheann tú mo ſhlighe
ann a bhfuilim ag dul.
43 Feuch, atáim am ſheaſamh ag an
ttobar uiſge, agus teigeomhuidh a nuáir
thiucfas an cailín amach do tharruing
uiſge, agus a déura miſi ría, guidhim
thú, tabhair dhamh beagán uiſge as do
ſhoitheach ré na ól.
44 Agus a déura ſiſi rium, ibh féin
deoch, agus tarreonguidh miſi mar
an ccéadna dod chamhulluibh, go
madh í ſin an bhean do chinn Día do
mhac mo mhaighiſtir.
45 Agus ſuil do ſguir mé do
labhairt am chroidhe, feuch táinic Re-
becah amach, & a ſoitheach ar a gú-
aluinn, agus do chuaidh ſíos gus an to-
bur, agus do tharruing uiſge : agus a
dubhairt miſi ría, guidhim thú léig
dhamh deoch ól.
46 Agus do dheiſrigh ſiſi, agus do
léig a ſoitheach dá gúaluinn, agus a
dubhairt ; ibh, agus do bhéura mé
deoch dod chamhulluibh mar an ccéadna
ann ſin do ibhios, agus tug ſí deoch dom
chámhulluibh mar ann ccéadna.
47 Agus do fhíafruigh miſi dhi ; cía
darabh inghean thú ? agus a dubhairt
inghean Bhétuel mac Nahor, noch rug
Milcah dhó, agus do chuir miſi fáinne
cluaiſi air a haghuidh, agus bráiſléd ar
a lámhuibh.
48 Agus do chrom mé ſíos mo
cheann, agus do adhrus an tighearna, &
do bheannuigh mé an tighearna Día mo
maighiſtir Abraham, noch do thréoruigh
mé ſa tſlighe chóir, do thabhairt inghine
dearbhrathar

dearbhrathar mo mhaighistir dá mhac.
49 Agus annois má ní tusa go ci-
nealta, agus go firinnioch rem mhaighi-
stir, innis damh ; agus muna ndearnair
innis damh, ionnus go niompoighe mé
ar án láimh dheis nó chlé.
50 Annsin do fhreagair Laban agus
Betuel, ón tighearna thig an chúis : ni
fhéudmuidne maith ná olc dó radh riot.
51 Féuch, atá Rebecah as do choinne,
gabh chugad í, agus imthigh, & bíodh
na mnáoi ag mac do mhaighistir mar do
labhair an tighearna.
52 Agus tarla a nuáir do chúaluigh
óglach Abraham a mbríathra, do onóruigh
sé an tighearna go nuige an talamh.
53 Agus thug an tóglach amach séoid
airgid, agus seoid óir, agus éuduighe, &
tug iad do Rebecah, agus tug mar an
cceadna dá dearbhrathair, & da mathair
neithe morluáidh.
54 Agus a duadhur agus do ibhidur,
eision agus an mhuinntir do bhi na
fhochair, agus do fhanadur feadh na
hoidhche, & do éirgheadur ar maidin,
agus a dubhairt seision : cuiridh ar siu-
bhal mé go nuige mo mhaighistir.
55 Agus a dubhairt a dearbhrathair
agus a mathair, fanadh an cailín a-
guinn beagán laéthe, deich lá an chuid
as lugha, agus na dhiaigh sin imeo-
chuidh sí.
56 Agus a dubhairt seision riú, ná
toirmisgidh mé, ó shoirbhidh an tigh-
earna mo thurus, cuiridh ar siubhal mé,
go rachuinn chum mo mhaighistir.
57 Agus a dubhradursan, goirfeam
an cailín, agus fiafrocham sin dá
béul.
58 Agus do ghoireadh Rebecah, &
dfiafruigheadur dhi, an rechuidh tú
leis an bhfear so ? agus a dubhairt sisi,
rachad.
59 Agus do chuireadur ar siubhal Re-
becah, & a buime, & óglach Abrahaim,
agus a mhuinntir.
60 Agus do bheannuigheadur Rebe-
ca, & a dubhradur ría, as tú ar ndeirbh-
shiúr, bí ad mhathair mhílte do mhilliun-
uibh, & sealbhuighidís do shíol geatuidhe
an luchda lér súath iad.
61 Agus do éirigh Rebecah, a-
gus a mná coimhidechda, agus do chúa-
dur ar na cámhuilluibh, agus do leana-
dur an tóglach ; agus do ghabh an
tóglach Rebecah chuige, & do imthigh
roimhe.
62 Agus táinic Isaac ó shlighe an
tobair Lahai-roi, óir do áitigh sé ann
sa tír ó dheas.
63 Agus do chuáidh Isaac amach
durnaighe ar an machaire tráth nóna,
agus do thóg suas a shúile, agus do
chonnairc, agus féuch do bhádur na
cámhuill ag teachd.
64 Agus do thóg Rebecah a súile suas,
& a nuair do chonnairc sí Isaac, do thuir-
ling don chámhull.
65 Oír a dubhairt sí ris a nóglach,
cia hé an duinesi thríallus ann sa
mhachaire do theagmháil rinn ! agus a
dubhairt an tóglach, a sé sud mo
mhaighistir : uimesin do ghlac sisi brat
agus do fholuidh a haghaidh.
66 Agus do innis an tóglach dIsaac
nuile ní dá ndearna.
67 Agus tug Isaac leis í go
buil a mhathar Sárah, & do ghabh
chuige Rebecah, agus do bhí na mnaoi
aige, agus do ghrádhuigh í ; agus do
comhfhurtachduigheadh Isaac déis bháis
a mhathar.

CAIB. XXV.

Sliochd Abraham thríd Chetúrah. 7. a
dr a bhás. 24. Rugadh do Isaac, Esau
Jacob.

ANn sin tug Abraham bean, &
bé a hainm Cetúrah.
2 Agus rug sí dhó Simran, agus
Jocsan, agus Medan, agus Midian, agus
Isbac, agus Suah.
3 Agus do ghein Jocsan Séba, agus
dan : & dob iad mic Dhédain Asurim
Letusim, agus Leumim.
4 Agus mic Mhidian Ephah, agus
Epher, agus Hanoch, agus Abida,
agus Eldaah ; dob iad sa uile cl
Chetúrah.
5 Agus tug Abraham a raibh ai
DIsaac.
6 Agus do chloinn na leannán
bhi ag Abraham, tug Abraham tio
laicthe, agus do chuir sé air siubhal
ó na mhac Isaac (an fad do bhí fós b
soirin don tír shoir.
7 Agus a sé adso láethe bhliadhna
braham, noch do mhair, céud a
trí fichid, agus a cúig déug do bhliad
nuibh.
8 Ann sin fuáir Abraham bás, a
déug a náois mhaith, na sheandui
lán do bhliadhnuibh, agus do cruin
gheadh dhá mhuintir é.
9 Agus do adhlaiceadur a mhic, Isaac
agus Ismael é a nuaimh Mhacpelah a ma
Ephron mhac Sohar an Hititeach no
atá as coinne Mhamre.
10 An magh do cheannuigh Abraham
ó mhacuibh Het : ann sin do hadhlaiceadh
Abraham, & a bhean Sárah.
11 Agus tárla déis bháis Abraham
gur bheannuigh Día a mhac Isaac, & do
bhí Isaac na chomhnuighe láimh ré to
bar Lahai-roi.
12 Annois asiád so geinealuigh Is
mael mhac Abrahaim, noch rug Hágar
an Tégiptach cumhul Shárah, Dábra
ham.
13 Agus asiadso anmanna mhac
Ismael ann a nanmannuibh do réir a
ngeinealach ; cédghin Ismael Nebaioth
agus Cedar, agus Adbeel, agus Mib
sam.
14 Agus Misma, agus Dumah, agus
Massa.

15 Hada

15 Hadar, agus Tema, Jetur, Naphis
...us Cedemah.
16 Asiad so mic Ismael, agus asiad
a nanmanna ó na mbailtibh, agus
...a ccaisleanuibh; dhá phriunnsa dhéug
...o reir a ccinidheach.
17 Agus asiad so bliadhna sháoghail
...ismael, céd agus tríochad, agus seachd
...bliadhna, agus do threig a spiorad,
...us fuair bás, agus do cruinnigheadh dhá
...huinntir é.
18 Agus do aitreabhadur ó Habhilah
...o Sur, atá as coinne na Hégipte
...ar do rachtha a ccionn na Hasiria:
...gus do thuit sé a lathair a dhearbhra-
...ar uile.
19 Agus asiad so geinealuidh Isaac
...hac Abrahaim; do ghein Abraham
...saac.
20 Agus do bhí Isaac ceathrachad
...iadhain dáois a núair thug sé Rebecah
...o mhnaoi, Inghean Bhétuel an Sírianach
...Phadan-aram, deirbhshiúr do Lában
...n Sírianach.
21 Agus do ghuidh Isaac an tighearna
...r son a mhná do chionn go raibh si aim-
...d, agus do éisd an tighearna a ghuidhe,
...gus do toirrcheadh a bhean Rebecah.
22 Agus do rinneadar an chlann
...annaruic a stigh na bruinn: agus a du-
...bhairt sisi: más mar sin atá, créd as
...bhfuilimsi mar so? agus do chuáidh
...á fhiafruighe don tighearna.
23 Agus a dubhairt an tighearna ria;
...á chineadh atá ad bhroinn, agus dhá
...hinéil dáoine dhealóchthar ód chorp,
...gus biáidh cineadh dhiobh as láidre ná
...n cineadh eile, foigheónuidh an sinnsear
...on tsósar.
24 Agus a nuáir do coimhlíonadh
...ethe a tuismidhe, féuch do bhí cúpla
...a broinn.
25 Agus táinig an chéudghin amach
...earg go huilidhe, amhuil éudach clumh-
...ach, agus tugadar Esau dainm air.
26 Agus na dhiáigh sin tháinig a
...hearbhrathair a mach, & do bhi greim
...á láimh ar sháil Esau; agus tugadh lá-
...cob dainm air; agus do bhi Isaac trí-
...chid bliadhan dáois a nuáir do rugadh
...iadsan.
27 Agus do fhásadur na buachuil-
...he, agus do bhi Esau na fhiadhghuidhe
...lic, duine don mhachaire, agus do bhí
...acob na dhuine shoilléir ag áitreabh a
...puiblibh.
28 Agus dob ionmhuin lé Hisaac Esau,
...o chionn go nitheadh dá fhiadhach,
...ach dob ionmhuin le Rebecah Jácob.
29 Agus do bhruith Jácob brochán,
...gus táinic Esau ón mhachaire, agus dó
...bhi lag.
30 Agus a dubhairt Esau ré lácob,
...idhim thú beathuigh mé leis an mbro-
...chán ndeirg sin, óir atáim lag; uime
...sin do goireadh Edom dainm dhe.
31 Agus a dubhairt Jácob, Reac leam
...a ló aniugh do cheart beirthe.
32 Agus a dubhairt Esau, féuch atáim
ag dul a dhéug: agus créad an tarbha
dhéunas an ceart-beirthesi dhamh?
33 Agus a dubhairt Jacob, mionnuigh
dhamhsa san ló a niugh, agus tug sé a
mhionna dhó, agus do reac a cheart-
beirthe ré Jacob.
34 Ann sin tug Jácob arán agus broch-
hán luibhionn dósan, agus a duaigh,
agus do ibh sé, agus do éirigh suas,
agus do imthigh roimhe: mar so do
tharcuisnigh Esau a cheart-beirthe.

CAIB. XXVI.

*Rinne Isaac cuairt a measg na Bhphili-
stineach. 31 & cumhnant ré Abimelech.*

AGus do bhí gorta san tír, táobh am-
uigh don cheud ghorta do bhí innte a
láethibh Abraham; agus do chuáidh I-
saac mar a raibh Abimelech righ na
Bhphílistíneach go Gerar.
2 Agus do thaisbein an tighearna é
féin dó, agus a dubhairt ris: ná héirigh
sios don Egipt, áitigh san duthaigh mháin-
fеas misi dhuit.
3 Comhnuidh sa tírsi, agus biáidh misi
maille riot, agus beinneochaidh mé thú,
óir duitsi agus dot shíol do bheura mé
na tíorthaso uile, agus comhlíonfuidh mé
mo mhionna, noch tug mé Dábraham
dot athair.
4 Agus do bhéura mé ar do shíol foir-
líonadh mar réulta a naiéir, agus do
bhéura mé dot shíol na tíorthaso uile,
agus ann do shíol béid uile chinidhea-
cha na talmhan beannuighe.
5 Do chionn gur áontuigh Abraham
dom ghlór, agus gur choimhéd mo chúram,
maitheanta, mo statúidigh agus mo dhli-
gheadh.
6 Agus do chomhnuidh Isaac an Gé-
rar.
7 Agus do fhiarfuigheadar dáoine na
háite dhe a ttáobh a mhná; agus a du-
bhairt seision, a sí mo dheirbhshiur í;
óir dob eagla leis a rádh, a sí mo bhean
í: ar eagla, ar seision, go muirfidis
muinntir na háite mé fá Rebecah, do
chionn go raibh breádha re féachuin
uirre,
8 Agus tárla, a nuáir do bhi annsin
Tamall fada, gur fhéuch Abimelech
rígh na Bhphílistíneach amach as fuinn-
eoig, agus go bhfacuidh, agus féuch do
bhí Isaac ag súgradh ré na mhnáoi Rebe-
cah.
9 Agus do ghoir Abimelech Isaac,
agus a dubhairt; féuch go deimhin a sí
do bhean í; agus cionnus a deir tusa, a
sí mo dhearbhshiur í? agus a dubhairt
Isaac ris, do chionn go ndubhairt mé,
deagla go néugfuinn da cionn.
10 Agus a dubhairt Abimelec, créad
é so do rinne tú linne? do bhéidir go
luidhfeadh duine don mhuinntir léd
mhnáoi, agus go ttiubharthá cionnta
oruinne.

11 Agus do aithin Abimelech dá
dháoinibh uile ag rádh; gidh bé bheanfas
ris an bhfearso nó ré na mhnáoi, cuir-
fighear go deimhin chum báis é.
12 Annsin do shíolchuir Isaac ann
sa dúthaidh, agus fuair san bhliadhain
chéadna céad oiread: agus do bhean-
naigh an tighearna é.
13 Agus do fhás an tóglach go mór,
agus do chuaidh ar aghuidh, agus do
fhas nó go raibh romhór.
14 Oir do bhi aige sealbh thréad agus
sealbh áodhaireadh, agus stór mór
seirbhíseach, agus do fhuathuigheadar
na Philistínigh é.
15 Oir a nuile thobar dar thochla-
dar muinntir a athar a laéthibh Abra-
ham a athar, do líonadur na Philisti-
nigh íad do chriaidh.
16 Agus a dubhairt Abimelec ré
hIsaac, imthigh uáinne: óir is cumh-
achduighe thú go mór ná sinn.
17 Agus do imthigh Isaac as sin,
agus do shuighigh a phubuil a ngleann
Gérar, agus do áitribh ann.
18 Agus do thochuil Isaac a rís
na toibreacha uisge noch do thochladur a
naimsir Abraham a athar: óir do
stopadur na Philistínigh íad déis
bháis Abraham, agus do ghoir a nan-
manna do réir na nanmann do ghóir a
athair dhíobh.
19 Agus do thochladur muinntir
Isaac annsa ghleann, agus fuaradar
annsin tobar fíoruisge.
20 Agus do imreasadur áodhairidhe
Gérar ré háodhairibh Isaac, ag rádh:
as linne an tuisge: agus do ghoir sé
dainm don tobar Esec, do chionn go
ndearnsad imreasan ris.
21 Agus do thochladar tobar eile,
agus teagmhaid ré chéile uime sin mar
an ccéadna, agus do ghoir Sitnah dainm
dhe sin.
22 Agus do athruigh an sin, agus
do thochuil tobar eile, agus do chionn
nar chuireadar na aghuidh tug Reho-
bot dainm air; agus a dubhairt sé,
óir a nois do rinne an tighearna ionad
dhuinn agus bíamuid líonmhar annsa
dúthaigh.
23 Agus do chuáidh sé súas as sin
go Beerséba.
24 Agus táinig an tighearna chuige
sa noidhche, agus a dubhairt, as misi Dia
Abraham hathair; ná biodh eagla ort,
óir atáimsi maille riot, agus beinneo-
chuidh mé thú agus foirlíonfad do shíol
ar son mo sheirbhísigh Abraham.
25 Agus do chuir altóir súas ann
sin, agus do ghoir ar ainm an tighearna,
agus do shuighidh a phubuil ann sin:
agus do thochladar seirbhísigh Isaac
tobar ann.
26 Is ann sin do chuáidh Abime-
lech chuige ó Ghérar, agus Ahuffat
aon dá chairdibh, agus Phicol príomh-
chaiptín a shlógh.
27 Agus a dubhairt Isaac ris,
créud as a ttigthí chugamsa, ó tha
súath aguibh orum, agus gur chuireabh
air ar siubhail uáibh mé.
28 Agus a dubhradarsan, do cho-
camhair go raibh an tighearna go dírea
leachtsa, agus a dubhramar; bíodh
nois mionna eadruinn, eadra sinne a
tusa, agus déunam ceangal riot;
29 Nach déuna tú dochur dhuinn
mar nar bheanamairne riotsa, a
mar nach dearnamar enní ort a
maith, agus gur chuireamar uáinn
go síothchánta: a nois as tusa ne
beannaighe an tighearna.
30 Agus do rinne séusda dhóibh
agus do itheadar, agus dóladar.
31 Agus do éirgheadar go moc
ar maidin, agus tugadar a mion
dhá chéile, agus do chuir Is
uádh íad, agus dimthigheadar ro
a síothcháin.
32 Agus tárla san ló chéudna
ttángadar seirbhísigh Isaac, a
gur innsiodar dhó a ttáobh an tob
noch do thochladur, agus a dubhra
ris, súaramar uisge.
33 Agus do ghoir seision Sébah dh
uime sin as Beerséba as ainm a
chathruigh ó sin a leith.
34 Agus do bhí Esau dhá fhichid b
dhan dáois a núair thug do mh
Júdit Inghean Bheeri an Hititeach,
gus Basemat inghean Hélon an H
teach:
35 Noch bá doilghios inntinne I
saac, agus do Rebecah.

CAIB. XXVII.

Fuair Jacob príomhbheannachd a athar ... chombáirle a mhathar. 41 ar sin d... thuigh Esau, Jacob. 43 ach tug a m... thair sa deara air, teicheadh.

AGus tárla a núair do bhí Is
foirse, agus go rabhadur a sh
dall, ionnus nach bhfaiceadh sé,
ghoir se Esau a mhac budh s
agus a dubhairt ris; a mhic: a
a dubhairt seision ris, féuch, at
annso.
2 Agus a dubhairt sé; féuch,
nois ataimsi aosta: ní bhfuil fios
mo bháis agam.
3 Guidhim thú ar an adhbhur
glac hairm, do bholgán, agus
bhogha, agus eirigh san mhagh am
agus fagh siadhach dhamhsa.
4 Agus deúna biadh sóbhl
dhamh don tsórt as ionmhuin Le
agus tabhair chugam é go nithinn
ionnus go mbeinneóchadh manam
suil do gheabhuinn bás.

5 Agus do chúalaidh Rebecah a nuair
do labhair Isaac ré na mhac Esau, & do
chuaidh Esau fan magh dfíadhach, agus
dá thabhairt leis.
6 Agus do labhair Rebecah ré Jacob
a mac, ag radh; féuch, do chúaluidh
mé hathair ag labhairt ré Hésau do dhe-
arbhrathair, ag rádh:
7 Tabhair fíadhach chugam, agus
déana bíadh sóbhlasda dhamh, go nith-
inn, & go mbeannuighinn thú a lathair
an tighearna, roimh mo bhás.
8 A nois uime sin, a mhic, éist rem
ghlórsa, do réir an neithe aithéonus mé
dhíot.
9 Eirigh a nois gus an tréad, agus
tabhair chugamsa as sin dhá mhionnán
maithe óna gabhruibh, & do dhéana misi
iad na mbíadh shóbhlasta dod athair
amhuil as ionmhuin leis.
10 Agus béuraidh tusa é chum hathar,
chor go níosuidh sé, & go mbeinneoch-
aidh thú suil do gheabhus sé bás.
11 Agus a dubhairt Jácob re Rebecah
a mhathair: féuch, atá Esau mo dhear-
bhrathair na dhuine chlumhach,& atáimsi
am dhuine mhín gan fhionnadh.
12 Do bféidir go moithéochadh máthair
mé, & go measfudh mé mar mheallтóir,
agus go ttiubhrainn mallachd oram féin
a nait na beannachda.
13 Agus a dubhairt a mhathair ris:
biodh do mhallughadh orumsa a mhic,
amhain umhluigh dom ghlór, & éirigh,
agus tabhair leachd chugam iad.
14 Agus do imthigh seision ar a
cceann, agus tug leis chum a mhathar
iad, agus do rinne a mhathair bíadh
sóbhlasta dhíobh, amhuil dob ionmhuin
le na athair.
15 Agus do ghlac Rebecah culaidh
thaitneamhach déaduighibh Esau a mic
budh siné, noch do bhí aice sa tigh, & do
chuir é ar Jácob a mac dob óige.
16 Agus do chuir sí croicne mheann-
án na ngabhar ar a lámhuibh agus ar
mhín a mhuinéil.
17 Agus tug an bíadh milis agus
an tarán do ghléus sí, a laimh a mic
Jácob.
18 Agus táinig sé chum a athar, a-
gus a dubhairt; a athair; & á dubhairt
seision, ataim annso, cía thusa a
mhic?
19 Agus a dubhairt Jácob ré na
athair; misi Esau do chéadmhac, do rinne
mé mar a dubhairt tú rium: éirigh,
suidhim thú, suigh, agus ith dom sheilg,
go mbeannnighe hanam mé.
20 Agus a dubhairt Isaac ré an
mhac; cionnus fuair tú comhluath agus
sin é, a mhic? agus a dubhairt seision
do chionn go ttug do thighearna Diase
dhamh é.
21 Agus a dubhairt Isaac ré na mhac:
suidhim thú tarr láimh riom, go
bhglacuinn thú a mhic, an tú dhá ríribh
mo mhac Esau, nó nach tú.

22 Agus do dhruid Jácob láimh
ré na athair Isaac, agus do spin sei-
sion é, agus a dubhairt: a sé do ghuth
guth Jacob, ach na lámha as iad lamha
Esau iad.
23 Agus níor aithin é mar do bhádur
a lámha clúmhach mar lámhuibh Esau:
agus mar sin do bheannuigh é.
24 Agus a dubhairt, an tú mo mhac
Esau dhá ríribh? agus a dubhairt seision,
as mé.
25 Agus a dubhairt sé, tabhair láimh
rium é, & iosuidh mé dfiadhach mo
mhic go mbeannuighe manam thú: agus
tug na chomhghar é, & a dúaigh: agus
tug fíon chuige, agus do ibh sé.
26 Agus a dubhairt a athair Isaac ris:
tárr chugam a mhic, & póg mé a nois.
27 Agus táinic chuige, agus do phóg é,
agus do bholtnuigh baladh éaduigh, & do
bheannuigh é, agus a dubhairt: féuch
atá baladh mo mhic mar bhaladh mhui-
ghe do bheannuigh an tighearna.
28 Uime sin go ttugaidh Dia dhuit
do dhrúchd nimhe, & do shult na tal-
mhan, & iomad arbha & fíona.
29 Go ndéana puibleacha seirbhís duit,
agus go numhluighe cinidheacha síos
duit: bí ad thighearna ós cionn do
dhearbhráithreach, & umhluidís mic do
mhathar dhuit: go má malluighe gach
áon mhailleóchus tú, & go má beannuighe
an té bheinneóchus tú.
30 Agus tárla mar as lúaithe do
chuir Isaac crioch ar bheannughadh
Jacob, agus nach mór go rainig Jácob
fós as fiadhnuisi Isaac a athar, an
tan thainig Esau a dhearbhrathair ón
fhíadhach.
31 Agus do rinne bíadh blasda mar an
cceadna, & tug chum a athar é, agus a
dubhairt re na athair: éirghiodh ma-
thair, agus itheadh do sheilg a mhic,
chor go mbeinneóchuidh hanam mé.
32 Agus a dubhairt Isaac a athair ris,
cía thusa? & a dubhairt seision, as misi
do mhac, do chéidghin Esau.
33 Agus do chriothnuigh Isaac do
chrith úathbhásach, agus a dubhairt: cia
hé, cáit a bhfuil an té do rinne fíadhach,
& tug chugamsa é, & a dúaigh mé dá
gach éinni, suil tháinic tusa, agus do
bheannuigh mé é! agus fós bíaidh
beannuighe.
34 Agus a núair do chualaidh Esau
bríathra a athar, do éigh maille ré
gárrthuibh móra searbha, & a dubhairt
ré na athair; beannuigh misi, eadhon
misi mar an ccéadna, ó a athair.
35 Agus a dubhairt seision, tháinic do
dhearbhrathair le ceilg, agus rug leis do
bheannachd.
36 Agus a dubhairt seision, nach cóir
tugadh Jácob dainm air? óir tháinic
sé fúimse an dá uairsi; rug sé uáim mo
cheart beirthe, agus a nois féuch rug sé
mo bheannughadh uáim: & a dubhairt
sé, a neadh nár choimhead tú beannu-
ghadh dhamhsa

37 Agus do fhreagair Iſaac agus a
dubhairt re Heſau; féuch do rinne me
eiſion na thighearna ort, agus tug mé a
dhearbhraithre uile na ſerbhiſeachuibh
dhó; agus lé harbhar, agus le fion do
chonnuimh mé ſúas é: agus créad do
dhéun riotſa a nois, a mhic?
38 Agus a dubhairt Eſau ré na athair, an
bhfuil agad achd éinbheannachd amhain,
a athair? beannuigh miſi, eadhon miſi
mar an ccéadna, ó a athair. Agus do
thóg Eſau a ghuth ſúas & do ghuil ſé.
39 Agus do fhreagair Iſaac, agus a
dubhairt; ris; féuch, budh é háitreabh
ſult na talmhan, agus ó drúchd fhlaith-
eamhnus a nſúas.
40 Agus led chloidheamh bhias tú ad
bheathaidh, & biáidh tú ag ſeirbhís dot
dhearbhrathair: & tiucfuidh a ccrích a
nuair do geabha tú úachdaranachd, go
mbrisfidh tú a chuingſion dot mhuinéul.
41 Agus do fhuathuigh Eſau Jacob
ar ſon na beannachda lear bheannuigh a
athair é: & a dubhairt Eſau na chroidhe,
atáid láethe cumha ar ſon máthar a
bhfogus, ann ſin mhuirfeas miſi mo
dhearbhrathair, Jacob.
42 Agus do hinniſeadh do Rebeca
bríathra Eſau a mic budh ſine: agus
do chuir ſí fios & do ghoir ſí Jácob a
mac dob óige, agus a dubhairt ris;
féuch, do dhearbhrathair Eſau ar do
ſhonſa do bheir ſé ſolás dó féin ré cur
roimhe thuſa mharbhadh.
43 Anois ar a nadhbharſin a mhic,
umhluigh dom ghlórſa, & éirigh go Lában
mo dhearbhrathair go Háran.
44 Agus ſan na fhochair beagán do
láethibh no go ttráothuigh fearg do
dhearbhráthar.
45 No go bhfillidh fearg do dhér-
brathar úaid, agus go ndearmaduigh
ſé an ní do rinne tú ris: ann ſin cuir-
fidh miſi fios, agus do bhéura mé as
ſin tú. Cread fá ccaillfinnſi ſibh aráon
a neunló?
46 Agus a dubhairt Rebecah ré
Hiſaac, atáim currtha dom ſháoghal do
chionn ingheana Hét: má phólan Jácob
bean as ingheanuibh Hét, mar íad ſo,
atá as ingheanuibh na tíre, créad an
mhaith dhéunas mo bheatha dhamhſa?

CAIB. XXVIII.

Cuairt Jácob a Meſopotamia. 12. *Thaiſbein Día dreimre neamhdha dhó.* 13. *& dhearbh dhó a ghealłamhna.*

AGus do ghoir Iſaac, Jácob, agus do
bheannuigh é, & do aithin de, &
a dubhairt ris; ní thiubhra tú bean
dingheanuibh Chánaain.
2 Eirigh, imthigh ſúas go Pádan-Aram,
go tigh Bhétuel athair do mhathar, agus
gabh chugad bean as ſin dingheanuibh
Lábain dearbhrathair do mhathar.
3 Agus go mbeannuighe Día uile cu-
mhachdach thú, & go ndearna ſiolmh-
thú, & go bhfoirlíonuigh thú, go ma-
tú ad iomad dáoine.
4 Agus go ttuga ſé dhuit beannach-
Abraham, duit ſein, & dot ſhiól ma-
riot, go ngabha tú oighreachd na dúth-
igh ann a bhfuil tú ad choimhighthead-
noch tug Día do Abraham.
5 Agus de chuir Iſaac, Jacob
ſiubhal go Pádan-Aram, go Láb-
mhac Betuel an Sírianach, dearbhr-
thair Rebecah, mathair Jácob, a-
Eſau.
6 A núair do chonnairc Eſau g-
bheannuigh Iſaac, Jacob, & gur chuir
ſiubhal é go Pádan-Aram, do thabh-
mná as ſin, & amhuil do bheannuigh
go ttug aithne dhó ag rádh; ní thiubh-
tú bean dingheanuíbh Chánaain.
7 Agus gur umhluigh Jacob dá ath-
agus dá mhathair, & go ndeachuidh
Pádan-Aram.
8 Agus mar do chonnairc Eſau
thaitin ingheana Chánaain ré na ath-
Iſaac.
9 Ann ſin do chuaidh Eſau chum I-
mael, agus tug a ccionn na mban
bhí aige, Mahálah inghean Iſmáel, m-
Abraham, derbhſhíur Nebaiot, dá b-
na mnaói aige.
10 Agus do chuáidh Jacob a m-
as Beerſéba, agus do ghluáis go H-
ran.
11 Agus do thuirling ar ionad áirigh-
agus do fhan ann feadh na hoidhch-
mar do chuáidh an ghrian faói: &
ghlac cuid do chlochuibh na háite, &
chuir íad mar a cheannadhairt, agus
luigh ſios ſa náitſin do chodladh.
12 Agus do chonnairc aiſling, & f-
dréimre ar na chur ſúas ar an talamh,
ráinic a bhárr go flaitheamhnus: a-
féuch, aingil Dé ag dul ſuas & ag teac-
a nſhúas ann.
13 Agus féuch, do ſheas an
gherna ós a chionn, agus a dubhairt;
miſi an tighearna Día Abraham hath-
agus Día Iſaac, an fearann ar a bh-
tú ad luighe do bhéura mé dhuitſi é,
dot ſhliochd.
14 Agus biáidh do ſhiol mar gh-
neamh na talmhan; agus leithneachuid-
tú amach ſíar agus ſoir, budh thuai-
agus budh dheas; agus budh ionnad
agus ann do ſhíol bhéid muinntir
talmhan uile beannuighe.
15 Agus féuch ataimſi maille ri-
agus cuimhdeóchuidh mé thú ann ga-
uile bhall a ngéubha tú, agus do bhé-
mé a rís don tírſi thú: oir ní fhágfa-
mé thú, nó go ndéarna mé an ní
labhair mé riot.
16 Agus do mhúſguil Jácob as
chodladh, agus a dubhairt: go d-
mhin atá an tighearna ſa náitſi, agus
raibh a fhios agamſa.

17 Ag-

17 Agus do bhí eagla air, agus a du-
bhairt: cread è úamhnuighe na háiteſi,
ní háit ar bith ſo ach tigh Dé, agus a ſé
ſo geata ſhlaitheamhnuis.
18 Agus do éirigh Iácob go moch
ar maidin, agus do thóg an chloch do
bhí fá na cheann mar adhairt, agus do
chuair ſúas í mar philéir, agus do dhóirt
ola ar a mullach.
19 Agus do ghoir Bétel dainm do
náitſin; ach Lus bá hainm don cha-
thair ſin ar ttus.
20 Agus tug Iácob móid, ag rádh,
má bhíonn Día liom, agus go ccuimhdea-
cha mé ſan turus a bhfuilim ag dul, a-
gus go ttiubhra dhamh arán ré a ithe,
agus eádach re chur umum.
21 Ionnus go ttiucfaidh mé a rís go
tigh máthar a ſíothcháin, annſin biaidh
an tighearna na Dhia agam.
22 Agus an chlochſa do chuir mé mar
philéir biaidh na thigh Dé: & do nuile
ní dá ttiubhra tú dhamh do bhéura miſi
go dearbhtha a dheachmhadh dhuitſi.

CAIB. XXIX.

Dfhoghain Jácob do Lában arſon Rachel. 23 Tug ſé Léah dhó na hionad. 28. pkós ſé Rachel aris. 31 ach dfan fós aimrid.

ANn ſin do ghluáis Iacob ann a thu-
rus, agus táinic go tír na ndaoine
don taoibh ſhoir.
2 Agus damhairc ſé, agus féuch to-
bar ſan mhachaire, agus ar cheana trí
tréoid cháorach na luighe aige: óir is
as an ttobar ſin do bheirdís uiſge dá
ttréuduibh; agus do bhí cloch mhór
air bhéul an tobair.
3 Agus is annſin do chruinnidís na
tréada uile, agus do chorruighedís an
chloch do bhéul an tobair, agus do beir-
dís uiſge do na cáorchuibh, agus do
chuirdís an chloch na háit ſein ar bhéul
an tobair a rís.
4 Agus a dubhairt Jácob ríuſan: a
dhearbhráithre gá has díbhſi? agus a
dubhradarſan, ó Háran dúinne.
5 Agus a dubhairt Jácob ríu, an aithne
dhíbh Lában mhac Nahor? agus a dubh-
radurſan, as aithne dhúinn é.
6 Agus a dubhairt ſeiſion, an bhfuil-
ſhear go maith aige? agus a dubhadur
ſan, atathar go maith, agus féuch atá
Ráchel a inghean ag teachd leis na
cáorchuibh.
7 Agus a dubhairt ſeiſion, achd chea-
na as mór atá romhuinn don ló: ní mó
as am na tréad do chruinniughadh a
bhfochair a chéile, tuguidhſi uiſge do na
cáorchuibh, agus éirghidh, agus ingheil-
tigh iad.
8 Agus a dubhradurſan: ní fhéad-
máoid nó go rabhaid na ſealbha uile a
bhfochair a chéile, agus go ccurthar an
chloch do bhéul an tobuir; ann ſin do
bhermíd uiſge do na cáorchaibh.

9 Agus an feadh fós do bhí ſe ag
caint ríu, tháinic Ráchel le cáorchuibh a
hathar; óir a ſí do bhí na mbun.
10 Agus tárla, á núair do cho-
nnairc Jacob Ráchel inghean Lában,
dearbhrathair a mhathar, & caóirigh
Lábain dearbhrathair a mhathar, gur
dhruid Jácob léith, agus gur chuir an
chloch do bhéul an tobair, agus tug
uiſge do thréad Laban dearbhrathair a
mhathar.
11 Agus do phóg Jacob Ráchel, & do
thóg ſúas a ghuth, & do ghuil.
12 Agus do innis Jacob do Ráchel,
gurob é féin dearbhrathair a háthar, &
gùrob é mac Rebecah é, agus do rith
ſiſi, & do innis ſin dá hathair.
13 Agus tárla, a núair do chúaluidh
Lában ſgéula mhic a dherbhſheathrach,
gur rith ſé na choinne, agus gur theann
ris é, agus tug póg dhó, agus tug leis é
dá thigh: agus do innis [Jacob] na
neithe ſi uile do Lában.
14 Agus a dubhairt Laban ris; is
deimhin gur tú mo chnáimh & mſeoil;
& do fhan aige ar ſeadh míoſa.
15 Agus a dubhairt Lában ré Jácob; an
do chionn gur tú mo dhearbhrathair do
dhéuntá ſeirbhís damhſa a naiſcidh? in-
nis damh créud an túaraſdal bhias duit?
16 Agus do bhádar días inghean ag
Lában: ainm an tſinnſir Léah, agus
ainm an tſóſair Ráchel.
17 Agus do bhádur ſúile boga ag
Léah; agus do bhi Ráchel ſgíamhach
deaghnúiſeach.
18 Agus do bhí grádh ag Jacob ar
Ráchel, agus a dubhairt, foigheónuidh mé
dhuit ſeachd mblíadhna ar ſon Ráchel
hinghean as óige.
19 Agus a dubhairt Lában, as fearr
dhamhſa a tabhairt duitſi ná a tabhairt
dſior oile: ſan am fhochair.
20 Agus do rinne Jacob ſeirbhís
ſheachd mbliadhan do cheannach ar
Ráchel, agus níor taibhſiughadh dhó íad
ach na mbeagán laethe, do mheid an
ghradh do bhí aige uirre.
21 Agus a dubhairt Jácob ré Laban,
tabhair mo bhean damh, (óir do choimh-
líon mé maimſir) go ndearnar bean di.
22 Agus do chruinnigh Lában dáoine
na háite uile, a bhfochair a chéile, & do
rinne féuſda dhóibh.
23 Agus tárla trath nóna gur glac ſé
Léah a inghean agus go ttug chuigeſion
í, agus do bhí na fhior aice.
24 Agus tug Lában dá inghin Léah
Silpah a chailín, na hinilt.
25 Agus tárla ar maidin, féuch
gurab í Léah do bhí ann: & a dubhairt
ſeiſion ré Lában, créud an ní ſi do rinne
tú rium? nach ar ſon Ráchel do rinne
miſi ſeirbhís duit? uime ſin créd far
mheall tú mé?
26 Agus a dubhairt Lában, ní mar
ſin as gnáth do dhéunamh nar naitne an

ſóſar do thabhairt amach roimh an
tſinnſior.
27 Choimhlíon a ſeachdmhuin di, & do
bhéaruimne í ſo dhuit mar an gcéa-
dna, ar ſon na ſeirbhíſi do dhéuna tú
dhamh ſeachd mbliadhna eile fós.
28 Agus do rinne Jacob ſin, agus
do chomhlíon a ſeachdmhuin di; agus
tug Rachel a inghean dó mar mhnáoi
mar an gcéudna.
29 Agus tug Lában do Ráchel dá
inghin, Bilhah a chailín, do bheith na
hinnilt aice.
30 Agus do rinne bean do Ráchel
mar an ccéudna, & dob annſa leis fós
Ráchel na Léah, & do rinne ſeirbhís
aige ſeachd mbl'adhna eile fós.
31 Agus a nuáir do chonnairc an
tighearna go ráibh fuath ar Léah, do
oſcuil ſé a brú, ach dó bhí Ráchel
amrid.
32 Agus do toirrcheadh Léah, agus
rug ſí mac, & tug ſí Reuben dainm
air; óir a dubhairt ſí, go deimhin do
fhéuch an tighearna ar mo bhuáidhreadh;
a nois ar an adhbhar ſin gráidheóchuidh
mfear mé.
33 Agus do toirrcheadh a rís í a-
gus rug ſí mac, agus a dubhairt: do
chionn go ccúaluidh an tighearna go
raibh fuath oram, tug ſé an mac ſo
dhamh mar an gcéadna: & tug ſí Si-
meon dainm air.
34 Agus do toirrcheadh a rís í, agus
rug ſí mác, & do ráidh; a nois bhias
mfear a nuáirſi teanta riom, do chionn
go rug mé triúr mac dhó: uime ſin do
goireadh Lébhi dhe.
35 Agus do toirrcheadh a rís í, agus
rug ſí mac; & do ráidh ſi, a nois
mholfas mé an tighearna; uime ſin do
ghoir ſí Judah dainm dhe; agus do
ſcuir do bhreith.

CAIB. XXX.

Tnúth na nſeathracha ré chéile. 25. Cunnradh Jacob ré na Athair chéile.

AGus a nuáir do chonnairc Ra-
chel nách rug ſí clann do Ja-
cob, do bhí tnúth ag Ráchel lé na
deirbhſhiáir, agus a dubhairt ſí re
Jácob, tabhair dhamhſa clann, nó do
gheabha mé bás.
2 Agus do las ſearg Jácob a naghuidh
Ráchel, agus a dubhairt: an miſi atá a
náit Dé, noch do chonnuimh uáit toradh
do bhronn?
3 Agus a dubhairt ſiſi, féuch mo
chailín Bilhah, bi ad tſior aice, agus
béuruidh ſí ar mo ghlúinibhſi, chor
go mbia clann agumſa mar an gceudna
dá taoibhſe.
4 Agus tug ſí dhó Bilhah a hinnilt mar
mhnáoi, & do chuáidh Jácob na gnás.
5 Agus do toirrcheadh Bilhah agus
rug ſi mac do Jácob.
6 Agus a dubhairt Ráchel, d
bhreathnuigh Día miſi, agus do chu
uidh mar an gcéudna mo ghuth, ag
tug mac dhamh: uime ſin tug ſí Da
dainm air.
7 Agus Bilhah cumhal Rachel, d
toirrcheadh a rís í, agus rug ſí an da
mac do Jácob.
8 Agus a dubhairt Ráchel, do ſpái
mé maille ré ſpárnuidheachd mhóir re
deirbhſhiáir, agus rug mé buáidh, & d
ghoir ſí Naphtali dainm dhe.
9 A nuáir do chonnairc Lèah g
ſcuir ſí do bhreith chloinne, rug
Silpah a cailín, agus tug do Jácob í
mnáoi.
10 Agus rug Silpah cailín Léah, m
do Jácob.
11 Agus a dubhairt Léah, atá c
deachda ag teachd: agus tug Ga
dainm air.
12 Agus rug Silpah cailín Léah
dara mac do Jácob.
13 Agus a dubhairt Léah, is ſo
miſi, óir goirfid na hingheana bean
uighe dhíom: agus do ghoir ſí A
dainm dhe.
14 Agus do chuaidh Reúben ama
a láethibh foghmhair na cruithneach
agus fuáir mandrácuigh ſa mhachalre,
tug leis iad chum a mhathar Léah:
ſin a dubhairt Ráchel ré Léah, g
dhim thú, tabhair dhamhſa cuid
mhandrácuibh do mhic.
15 Agus a dubhairt ſiſi ría, is be
an chúis mar rug tú mfhear uáim? a
nar mhían leachd mandráic mo m
do bhreith uáim mar an ccéadna? A
a dubhairt Ráchel, uime ſin luidhfidh
leachdſa a nochd ar ſon mhandrác
mhic.
16 Agus táinig Jácob a ſteach
mhachaire tráth nóna, & do chuáidh Lé
amach na choinne & a dubhairt; caithfi
tú teachd liomſa a ſteach, óir go deimh
do cheannuigh mé thú air mhandrácu
mo mhic; & do luigh lé a noidhche ſi
17 Agus tug Día aire do Léah, &
toirrcheadh í, agus rug ſí do Jacob
cuigeadh mac.
18 Agus a dubhairt Léah, tug D
mo thúaraſdal damh do chionn go t
mé mo chailín dom fhear, agus
ghoir Iſachar dainm dhe.
19 Agus do thoirrcheadh Léah arís
rug an ſeiſeadh mac do Jacob.
20 Agus a dubhairt Léah: do leaſui
Dia mé lé crodh maith; a nois coi
neóchuigh mfear agum, do chionn
rug mé ſeiſior mac dhó: agus tug
Sebulun dainm air.
21 Agus na dhiaigh ſin rug ſí ingh
agus tug Dinah dainm uirre.
22 Agus do chuimhnigh Dia air R
chel, agus do éiſd Dia ría, agus
oſcuil a brú.
23 Agus do toirrcheadh í, agus r
ſí mac, agus a dubhairt; do chuir D
mo mhiochlú ar ccúl. 24 Ag

24 Agus tug sí Joseph dainm air;
agus a dubhairt sí, cuirfidh an tighear-
na mác eile na gheann chugam.
25 Agus tárla a nuáir rug Rachel Jo-
seph, go ndúbhairt Jacob ré Lában;
cuir ar siubhal mé go nreachuidh mé
dom ionad féin agus dom thír.
26 Tabhair dhamh mo mhná agus mo
chlann ar son a ndéarna mé do sheirbhís
duit, agus léig dhamh imtheachd; óir is
fios duit mo sheirbhis do rinne mé dhuít.
27 Agus a dubhairt Lában ris, guidhim
thú más ionmhuin leachd mé, [fuirigh]
óir dfoghluim me go dearbhtha gur bhea-
nnuigh an tighearna mé air do shonsa.
28 Agus a dubhairt sé, ainmnigh
do thúarusdal, agus do bhéura mé
dhuit é.
29 Agus a dubhairt seision ris,
atá a fhios agad cionnus do bhi mo
sheirbhís duit, agus cionnus do bhi háir-
néis agum.
30 Oir as beag do bhí agad suil
tháinig misi chugad, agus a nois tan-
gadur chum bheith iomadamhail; & do
bheannuigh an tighearna thú ó tháinig
misi chugad, agus a nois cá huáir dhéu-
nas mé solathar do mo thigh féin mar
an gcéadna:
31 Agus a dubhairt seision, cread do
bhéura mé dhuit? agus a dubhairt Já-
cob, ní thiubhra tú einní dhamhsa: má ní
tú éinní amháin ar mo shon, beathóchad
& coimhéudfad do thréad a rís.
32 Rachsuidh misi tré a bhfuil do
thréaduibh agad a niugh, & cuirfidh mé
ar leith a bhfuil ballach breac, agus a
bhfuil don áirnéis donn a measg na ccáo-
rach, & a bhfuil ballach breac a measg
na ngabhar, agus is díobhsin bhias mo
thúarusdalsa.
33 Marsin fhreigeórus mfíreuntachd
ar mo shon sa naimsir atá chugainn, an
tan thiocfas am mo thúarusdail do la-
thair haighthe fein: gach áon nach
bia ballach nó breac a measg na ngabhar,
agus donn a measg na ccáorach, biaidh
meas gada air agumsa.
34 Agus a dubhairt Lában, féuch do
bfearr liom go mbeith sin do réir do
bhríatharsa.
35 Agus do dhealuigh sé an lásin na
puic noch do bhí crosach, & ballach
agus a nuile ghabhar bainionn do bhi
breac ballach, & gach áon a raibh
bán ann, & a raibh donn, agus tug iad
a lámhuibh a mhac.
36 Agus do chuir sé aistior thrí
lá idir é féin agus Jacob, agus do
bheathaidh Jácob an chuid eile do
thréaduibh Lábain.
37 Agus do ghabh Jácob chuige slata
glasa do chrann critheach, & do choll,
agus do chrann cnobhfrancach, agus do
rinne síoga bána ionta, & tug ar an
mbán taisbeanadh do thabhairt úadh,
noch do bhí ann sna slatuibh.
38 Agus do shuighidh na slata do
nochd sé, roimhe na tréada ann sna gúi-
théaruibh, ann sna homuruibh a nibhdís
uisge a nuair do thigdís na tréada dól a
nuisge ar chor go ttoirrchidh iad a
nuair do thigdís dól uisge.
39 Agus do toirrcheadh na tréada as
comhair na flat, & do bherdis áir-
néis shíogach bhreac & bhallach.
40 Agus do dhealuidh Jácob na huáin,
agus do chuir aighthe na ttréad ar na
stríocuibh, agus gach a raibh donn a
ttréad Lában; agus do chúir a thréada
féin ar leith, agus níor chuir a ttréuduibh
Lábain iad.
41 Agus tárla, gidh bé ar bith uáir
do chinneadh a náirnéis budh laidire
go ccuireadh, Jácob na slata as coinne
shúl na háirnéisi ann sna guitéaruibh, ar
chor go ccinfidís a measg na slat.
42 Ach a nuáir do bhíodh a náirnéis
lag, ní chuireadh sé ann iad; marsin go
mbiodh an chuid budh laige ag Lában,
& an chuid budh láidre ag Jácob.
43 Agus do fhas an tóglach ro shaidh-
bhir, & do bhí iomad áirnéisi aige, &
seirbhíseach fear, & seirbhíseach ban, &
cámhuill, agus asail.

CAIB. XXXI.

Ghabh Jacob go siobhal. 9. Dinnis gurab Dia tug eallach ó Lában, dhósan. 22. lean Lában tóir áir. 29. ach gur Shéol Dia rei-teadh dhóibh.

AGus do chúaluidh sé bríathra mhac
Lában ag rádh; rug Jácob leis
an mhéid bá lé ar nathair, agus is
don ní bá lé ar nathair fuair sé ann
ghlóirsi uile.
2 Agus do chonnuirc Jácob gnúis Lá-
bain, agus féuch ní raibh leis mar do
bhí roimhe.
3 Agus a dubhairt an tighearna re
Jácob; fill go dúthuigh haithreadh, agus
go nuige do chineadh, agus biáidh misi
maille riot.
4 Agus do chuir Jácob fios uadha,
agus do ghoir Rachel agus Léah fan
machaire go nuige a thréud.
5 Agus a dubhairt riu, chím gnúis
bhur nathar nach bhfuil sí leam mar
do bhí roimhe; ach do bhi Día máthar
leam.
6 Agus atá fhios aguibhsi go
ndéarna mé serbhís do bhur nathair
rém uile chumhachda.
7 Agus do mheall bhur nathair me, a-
gus do mhalairt mo thúarusdal deich
nuáire: ach níor léig Día dhó dochar do
dhéanamh dhamh.
8 Ma dubhairt sé mar so, biaidh a
náirnéis bhallach na thúarusdal agad;
ann sinn do bhi a náirneis uile bal-
lach: agus má dubhairt sé mar so;
budh híad a nairnéis shíogach do thúa-
rusdal; ann sin do bhi a rugadur a
náirnéis uile síogach.

9 Mar so rug Día áirnéis bhur nathar uadh, agus tug dhamhsa iad.

10 Agus tárla a nuáir do reitheadh a náirnéis gur thóg misi mo shuile súas ar a nairneis go rabhadur síogach, ballach, measctha.

11 Agus do labhair aingeal Dé rium a naisling dá rádh, a Jácob ; & do raidh misi, atáim annso.

12 Agus a dubhairt seision, tóg a nois súas do shuile, na reithe lingios súas ar a nairneis atáid uile síogach ballach, measctha : óir do chonnairc misi gach a ndéarna Lában ort.

13 As misi Día Bhétel, áit ar ungaidh tusa an piléir, agus mar ar mhóidigh tú móid dhamhsa : a nois éirigh, fág an dúthaidhse amach, agus fill go tír do ghaoil.

14 Agus do fhreagair Ráchel agus Léah, & a dubhradur ris : an bhfuil fós roinn ar bith nó oighreachd ar ccomhairne a ttigh ar nathar ?

15 A né nach meas coigcrích atá aige oruinn ? óir do reac sé sinn, agus do anchaith sé mar an gcéadna ar nairgead uile.

16 Oir a nuile shaidhbhrios rug Día ó ar nathair, a sé sin ar ccuidne, agus cuid ar ccloinne : a nois uime sin giodh bé a dubhairt Día riotsa, déana é.

17 Ann sin do éirigh Jácob súas, agus do chuir a mhic, agus a mhná ar chamhulluibh.

18 Agus rug leis a áirnéis, agus a mhaóin uile, uoch fuáir se, áirnéis a ghnodhuidh, noch fuair sé a Bpádan-Aram ; chum imtheachd go Hisaac a athair a ttír Cánaain.

19 Agus do chuáidh Lában do lomadh a cháorach, agus do ghoid Ráchel na híomháighe bá lé na hathair.

20 Agus do éulóigh Jácob roimhe gan fhios do Lában an Sírianach, ó nár innis dó gur theith sé.

21 Mar sin do theith sé leis á nuile ní do bhi aige, & do éirigh, & do chuáidh tar a nabhuin, & tug a aghuidh sa thuairim shliabh Gilead.

22 Agus do hinnseadh do Lában an treas lá gur theith Jacob.

23 Agus do thóg a dheárbhráithre leis, & do lean é aislior sheachd lá, & rugadur air ar shliabh Gilead.

24 Agus táinic Día go Lában an Sírianach a naisling sa noidhche, agus a dubhairt ris : tabhair dod aire nach laibhéora tú re Jácob go maith no go saith.

25 Ann sin rug Lában ar Jácob : a nois do shuighidh Jácob a phubuil ar a tsliabh : agus do shuighidh Lában gun a dhearbhráithribh air sliabh Gilead.

26 Agus a dubháirt Lában ré Jácob, créad do rinne tú, far éulóigh tú gan fhios damhsa, agus sa rug tú mingheana leachd mar bhraighdibh do géubhtháoi le cloidheamh ?

27 Cread far theith tú uáim go l luigheach, agus far éulóigh tú u agus nar innis tú dhamh go ccuirinn sirbhal uáim thú maille re sólás, a lé cantaireachd, le tabuirín, agus cláirsigh ?

28 Agus nár fhuiling tú dhamh m gheana, agus mo mhic do phógadh ? nois as leamh do rinne tú súd.

29 Atá a gcumhachd mo láimhesi d char do dhéanamh dhuit, ach do labh Día hathar riom a réir, ag rádh : ta air dod aire nach laibhéora tú re Já go maith ná go saith.

30 Agus a nois mátha nach géubh gan imtheachd do chionn go raibh fo mór ort a ndiúigh tighe hathar, th sin, créad far ghoid tú mo Dhee.

31 Agus do fhreagair Jácob, a a dubhairt sé ré Lában : do chionn raibh éagla orum, agus go ndubhairt go mféidir go mbeansá hingheana éigin díom.

32 Gidh bé ar bith gá bhfuighe do Dhee, nar ab beó é : féuch a lath air ndearbhráithreach má tá éinní agu dod chuid, agus beir chugad féin óir níor eidir Jacob gur ghoid Rách iad.

33 Agus do chuaidh Lában go p buil Jácob & go pubuil Léah, agus puiblibh an dá chumhal ; ach ní bhfu sé iad aca. Ann sin do chuáidh sé pubuil Léah, agus do chuáidh a steach bpubuil Ráchel.

34 A nois do ghabh Ráchel na hí mhaighe, agus do chuir a nughaim ccamhull íad, & do shuigh orra : ag do spíon Laban an pubuil uile, ach bhfuáir sé iad.

35 Agus a dubhairt sisi ré na h thair, na cuireadh fearg ar mó thighea na nach bhféaduimse éirghe súas romha óir atá gnáth na mban orum : ag do spíon Lában an pubuil, agus n bhfuáir na híomháighe.

36 Agus do bhí fearg ar Jácob, ag do cháin Lában : & do fhreagai Jácob, agus a dubhairt sé ré Lában cread é maindligheadh, cread í mo choir as ar lean tú choimhghéarso mé ?

37 A náit ar spíon tú mo thruscán uile créud fuáir tú dod áirnés tighe agam cuir annso as coinne mo dhearbhráith reach & do dhearbhráithreachsa é, g mbeirid breath eadruinn aráon.

38 A nfichid bliadhanso atáim a foghnamh dhuit, níor theilgeadar d cháoirigh a nuáin, ná do ghabhair bh nionna a mionnáin, agus ní dhuáigh m reithe do thréuda.

39 An mhéid do mharbhadar na be thuigh, ní thug mé chugadsa é, is oru féin do bhí a dhul a mugha : as m láimhsi do iarr tusa é, má gadadh sa l nó má do ghadadh sa noidhche é.

40 Mar so do bhí mé, san ló do shear gadh an tiormach mé, agus an síoc s noidhche.

oidhche, agus do dhealuigh codladh
óm ſhuilibh.
41 Mar ſo do bhí mé fithche bliadhan
ann do thigh: do ſhoghuin mé dhuit
ceithre bliadhna déag ar ſon do dhías
inghean, agus ſé bliadhna ar ſon tháirnéiſi,
agus do áthruigh tú mo thúaraſdal deich
nuáire.
42 Muna bheith Día máthar, Día
Abraham, agus eagla Iſaac leam; go
deimhin do churſeá ar ſiubhal a nois mé
folamh: do chonnairc Dia mo leathtrom
agus ſaothar mo lámh, agus tug aithſear
[dhuitſi] a réir.
43 Agus do fhreagair Lában agus
a dubhairt ré Jacob; a ſíad na hin-
gheanaſo mingheanaſa, agus an chlannſo
mo chlannſa, agus a nairnéiſſe a ſiad
mairnéiſſe íad, agus a bhfaicionn tú
uile as liomſa íad; agus cread ſhéaduim
do dhéunamh ſan ló a niugh ríuſo
mingheana féin, nó rè na ccloinn do
rugadar.
44 Ar a nadhbharſin, tárrſa a nois
déunam cunnradh, miſi agus tuſa, agus
bíodh ſé mar ſhíaghuin eadrum agus tú.
45 Agus do thóg Jacob cloch, agus do
chuir na ſeaſamh í mar phileir.
46 Agus a dubhairt Jacob ré na
dhearbhráithribh, cruinnighidh clocha;
agus do chruinnigheadar clocha, agus do
rinneadar leachda, agus a dúadar biadh
ann ſin ar an leachda.
47 Agus do ghoir Lában dainm dhe
Iegar-Sahaduta, ach do goir Jacob
Galeed de.
48 Agus a dubhairt Lában, is fi-
adhnuiſi an leachdaſo éadrum agus tú a
niugh: agus uime ſin do goireadh Gáleed
dainm dhe;
49 Agus Miſpah, óir a dubhairt ſé,
déunadh an tighearna faire eadrum
agus tú a nuáir bhéam gan bheith a
laithair a chéile.
50 Má ní tú leatrom ar mingheanuibh,
nó má bheir tú mná eile leith amuigh
dom ingheanuibh, ní bhfuil áonduine ar
bhfochair: féuch, atá Día dſhiaghuin
eadruinn.
51 Agus a dubhairt Lában ré Jácob,
féuch an leachdaſa, agus féuch an piléir
noch do thóg mé eadrum agus tú.
52 Bíodh an leachdaſa dfiaghuin, agus
bíodh an piléirſe dfiaghuin nach racha
miſi tar an leachdaſa chugadſa, agus
nach dtiocfa tuſa tar an leachdaſa chu-
gamſa, agus tar an bpiléirſe, do dhéu-
namh dochair.
53 Déunadh Día Abraham agus Día
Nahor, Día a naithreach breitheamhnus
eadruinn: agus do mhionnuigh Jacob fá
eagla a athar Iſaac.
54 Ann ſin do rinne Jácob íodhbuirt
ar a tſliabh, agus do ghoir a dhear-
bhráithre dithe aráin: agus a duadar
arán, agus do ſhanadar feadh na hoidhche
ſa tſliabh.
55 Agus go moch ar maidin do
éirigh Lában ſúas agus do phóg ſé a
mhic agus a ingheana, agus do bheannuigh
ſé íad: agus do dhealuigh Lában ríu,
agus do ſhill chum a áite féin.

CAIB. XXXII.

Tárladar aingle dé ar Jácob. 9 Do Jarr ſé ar Dhia a choimheud oná bhráthar Eſau. 24 Ghleac ſé re Aingil.

AGus do imthigh Jacob roimhe na
ſhlighe, agus tarla aingle Dé ris.
2 Agus a nuáir do chonnairc Jacob
íad, a dubhairt ſé: a ſé ſo ſlúagh Dé,
agus do ghoir ſé dainm do nait ſin
Mahanaim.
3 Agus do chuin Jacob teachda roimhe,
go Héſau a dhearbhrathair go ſearann
Seir, eadhon talamh Edom.
4 Agus do aithin ſé dhiobh ag rádh;
mar ſo a déarthaoi rem thighearna
Eſau: a deir do ſheirbhiſeach Jácob mar
ſo: do chomhnuighe mé a bhfochair
Labáin agus do ſhan mé aige ann ſin go
ttí a nois.
5 Agus atáid daimh agus aſſail agam,
tréada agus ſeirbhiſigh fear agus ſeir-
bhiſigh ban: agus do chuir mé teachda
uáim dá innifin dom thighearna, ionnus
go bhfagha mé gráſa ad radharc.
6 Agus do ſhilleadar na teachda go
Jacob, ag rádh; tangamairne go nuige
do dhearbhráthair Eſau, agus atá ſeiſion
ag teachd mar an gcéudna do theag-
mháil ort, agus ceithre chéud fear
leis.
7 An ſin do bhí Jácob lán deagla
agus danbhuáin: agus do roinn ſé na
daoine do bhí aige, agus na tréada, a-
gus na ſealbha, agus na cámhuill a ndá
chuideachduin.
8 Agus a dubhairt, má thig Eſau
cum cuideachda dhiobh, agus go mbuáil
ſidh íad, ann ſin rachuid an chuideachda
ſhuigfidhear as uadh.
9 Agus a dubhairt Jácob, a Dhé
máthar Abraham, agus a Dhé máthar
Iſaac, an tighearna noch a dubhairt rium;
ſill chum do thíre féin agus chum do
gháoil, agus do gheabhthar miſi go maith
ort.
10 Ni fiú mé an chuid as lúgha dot
thrócaire, agus do nfírinne noch do
thaisbéin tú dod óglach: óir lem bhata
tháinig mé tar an Iordáinſe, agus a nois
atáim dhá bhanna.
11 Sáor mé, íarrum ort, ó láimh mo
dhearbhrathar, ó láimh Eſau: óir atá
eagla agum roimhe, dſaitchios go ttioc-
fadh, agus go mbuáilfeadh mé, agus
an mhathair maille ris an ccloinn.
12 Agus a dubhairt tuſa, go dei-
mhin do dhéuna mé maith dhuit, agus
do dhéuna mé do ſhíol mar ghaineamh
na fairge nach féidir áireamh ar a ioma-
damhlachd.

13 Agus do ſhoſuidh ſe ann ſin a noidh-
che ſin féin, agus do bhean ſé as an ní
ráinic chum a láimhe, bronntanus ré tha-
bhairt dá dhearbhrathair Eſau.
14 Dhá chead gabhar baineánn, agus
fithche poc, dhá chéad cáora bhainean,
agus fithche reithe.
15 Tríochad chámhall bainne goná
mbromchuibh, ceathrachad bó, agus
deich ttairbh, fithche aſſal baineann, agus
deich ſearruigh.
16 Agus do ſheáchuid ſe íad a lámh-
uibh a ſherbíſeach, gach éntſealbh ar
leith, agus a dubhairt ré ná ſherbhíſea-
chuibh; gluáiſigh thairis a nonn romh-
amſa, agus cuirigh ſpás eidir gach dá
ſheilbh.
17 Agus do aithin don chéad luchd,
dá rádh: a nuáir theigeómhas mo dhear-
bhrathair Eſau riot, agus fhiafrochus díot,
ag rádh, cía lér leis tú? agus cáit a racha
tú? agus cía lear leis íad ſo romhad?
18 Ann ſin a déura tuſa, is lé do
ſherbhíſeach Jácob íad ſo; is tiodh-
laiceadh é do cuireadh chum mo thighear-
na Eſau; agus féuch atá ſé féin mar an
gcéadna ar ndíaigh.
19 Agus is mar ſin do aithin ſé don
dara, agus don treas luchd, agus don
méid do lean na ſealbha, ag rádh; ar an
modh ſo laibhéorthaoi ré Héſau a nuáir
do gheabhthaoi é.
20 Agus abruidhſi ós a chionn ſin;
féuch, atá do ſherbhíſeach Jácob ar
ndíaigh, óir a dubhairt; ceinnſeochuidh
mé é leis an mbronntanas rachas romham,
agus na dhiáigh ſin do chífe mé a ghnúis;
do bféidir go ngéubhadh ſé mo ghnúis
chuige.
21 Mar ſin do chuáidh an preaſánta
anonn roimhe, agus do chomhnuidh ſé
féin a noidhcheſin ann ſa chuideachduin.
22 Agus do éirigh ſé ſúas a noidhche
ſin, agus do ghlac ſé a dhías ban,
agus a dhá chumhal, agus a éanmhac
déag, agus do chuáidh ſé tar áth Jabboc
a nunn.
23 Agus do rug ſé orra, agus do chuir
tar an abhuinn a nunn íad, agus do chuir
thairis anunn a raibh aige.
24 Agus do fágbhadh Jácob na áonar,
agus do bhí duine ag gleic ris nó go
ttáinig éirghe na maidne.
25 Agus a nuáir do chonnairc ſé nach
deachuidh aige air, do bhean ſé re log a
laghairce, agus do bhí log laghairce Jácob
as alt, mar do bhí agſbáirn ris.
26 Agus a dubhairt ſé, léig dhamh
imtheachd, óir atá an lá ag éirghe: agus
a dubhairt ſeiſion, ní léigſe mé dhuit
imtheachd nó go mbeannuighe tú mé.
27 Agus a dubhairt ſeiſion, cá hainm
thú? agus a dubhairt ſeiſion, Jácob.
28 Agus do ráidh ſeiſion, ní goir-
pear Jácob dhíot ſeaſda mar ainm, ach
Iſrael: óir atá cumhachda agad mar
phrionnſa ré Día, agus ré daóinibh
agus do rug tú buáidh.
29 Agus do fhiafruigh Jácob dhe,
a dubhairt ris: guidhim thú,
damh hainm: agus do ráidh ſeiſ
cread an fath fá bfiafruighionn tú ma
agus do bheannuigh ſé ann ſin é.
30 Agus dó ghoir Jácob Peniel d
do náit ſin; óir do chonnairc mé
aghuidh ar aghuidh agus do ſabh
mo bheatha.
31 Agus mar do chuáidh a nun
Pheniel, do éirigh grían air, agus d
ſé bacach ann a ladhairg.
32 Uime ſin nach ithid clanna
rael gus a níugh don fhéich do ch
noch bhíos a log na ladhairge: do ch
gur bhean ſé ré log na ladhairge ag J
ann ſa bhféich do chrup.

CAIB XXXIII.

Dhearnadar Jácob le Eſau Réiteadh. 18 T Jacob go Salem, le do cheannaich m annſin.

AGus do thóg Jácob a ſhúile
agus damhairc ſe, agus féuch
tháinic Eſau agus ceithre chéad
leis. Agus do roinn ſé an chlann
Léah, agus do Ráchel, agus don
chumhal.
2 Agus do chuir ſé na cumail ag
cclann a ttoſach, agus Léah
a clann na ndíaigh, agus Jóſeph
dheireadh.
3 Agus do ghluáis anonn ro
agus do chláon é féin go talamh ſea
nuáire, nó go ttáinig a bhfogus dá dhea
bhrathair.
4 Agus do rith Eſau na choinne, a
do theann ris é idir a dhá láimh, agus
luidh ar a mhuinéul, agus do phog
agus do ghuileadur.
5 Agus do thóg ſé ſúas a ſhúile, a
do chonnairc na mná agus an chla
agus a dubhairt, cía híad ſúd agad? ag
a dubhairt ſeiſon, an chlann tug Día
gráſamhuil dod ſheirbhíſeach.
6 Ann ſin tangadur na cumhail, ag
a cclann a bhfogus, agus do cláonad
íad féin.
7 Agus tháinic Léah mar an gcéadn
gon a cloinn a bhfogus, agus do chláo
adur íad féin: agus fá dheireadh tháin
Joſeph agus Ráchel a bhfogus, agus d
chláonadar íad féin.
8 Agus a dubhairt ſé, créad as ca
duit ris a nealbhaſa uile, thárla rium:
agus a dubhairt ſeiſion, dfaghail grá
radharc mo thighearna.
9 Agus a dubhairt Eſau, atá go le
agamſa a dhearbhrathair, bíodh an t
as leachd agad féin.
10 Agus a dubhairt Jácob; ní headh,
guidhim thú, má fuáir mé a nois grá
ad radharc, ann ſin glac mo bhronnt
nas as mo láimh: oír is uime ſin do
chonnairc mé do ghnuis amhuil mar do
chífinn gnúis Dé; agus do ſhaitin mé
riot. 11 Guidhim

11 Guidhim thú glac mo bheannughadh
tugadh chugad; do chionn go raibh
Dia go gráſamhuil riom, agus do chionn
go bhfuil go lór ágam: agus do ſhárúidh
air, agus do ghabh ſé an tiodhlaiceadh.
12 Agus a dubhairt ſeiſion, gluaiſiom
ann ar ſlighe, agus imthighiom, agus
rachuidh miſi romhad.
13 Agus a dubhairt ſeiſion ris: atá
a ſhios ag mo thighearna go bhfuilid na
leinimh máoth, agus na tréada agus
na healbhadha ré hóga agamſa: agus
má thiomáinid daóine go hiomarcach iad
a n-éanló, gheabhuidh an tréad uile bás.
14 Eirghiodh mo thighearna, iarruim
ort, thairis anonn roimhe a ſherbhiſeach,
agus leanſa miſi thú go ſocair, réir mar
ſhéadfuid a nairnéis bhias romham agus
an chlann ſhulang, nó go ttí mé go núige
mo thighearna go Seir.
15 Agus a dubhairt Eſau, léig dhamh-
ſa a nois [cuid] don mhuinntir atá am
fhochair dfágbháil agad: agus a dubhairt
ſeiſion, cionnus riochthar a leas? faghaim
a nois gráſa a radharc mo thighearna.
16 Marſin do ſhill Eſau ann láſin féin
ann a ſhlighe go Seir.
17 Agus do ghluáis Jácob go Succot,
agus do rinne tigh dhó féin, agus do
rinne máinreacha dhá áirnéis; uimeſin
goirthear Succot dainm do náit.
18 Agus táinic Jácob go Sálem, cathair
Shechem noch atá a ttír Cánaain, a
nuáir tháinic ſé ó Phádan-Aram, agus
do ſhuidhidh a phubuil as choinne na
caithreach.
19 Agus do cheannuigh ſé cuid do
mhachaire, áit ar leathnuigh ſé a phu-
bail, as láimh chloinne Hámor athair
Shechem ar chéad pioſa airgid.
20 Agus do chuir altoir ſuas annſin, agus
do ghoir ſé dhi El-elohe-Iſrael.

CAIB. XXXIV.

Do Truailligheadh Dinah. 13 Caithſid mic Jácob le ceilg ſúd do dhiogbhladh ar aitreoiridh Shéchem.

AGus do chuáidh Dinah inghean Léah,
noch rug ſi do Jácob, amach dféa-
chuin ingheana na tíre.
2 Agus a nuáir do chonnairc Sechem
mhac Hámor an Hititeach prionnſa na
criche í, do rug ſé uirre, agus do luigh
ſé lé, agus do thruáillígh ſé í.
3 Agus do bhí a anam ceangailte do
Dhinah inghean Jácob, agus do grádh-
uigh ſé í, agus do labhair go cinealta ris
an gcailín.
4 Agus do labhair Sechem ré na
athair Hámor, ag rádh, fagh dhamhſa an
cailinſi na mnaoí.
5 Agus do chualuidh Jácob gur thru-
aillígh ſé a inghean Dinah; a nois do
bhádur a chlann ſan mhachaire ag a
nairnéis, agus do thochd Jácob nó go
ttáinic ſiad.
6 Agus do chúáidh Hámor athair She-
chem amach do chomhrádh ré Jácob.
7 Agus tangadur mic Jácob ón mhath
amuigh a nuáir do chualadur ſin, agus
do ghlac doilghios iad, agus do bhádur
ro fheargach, fa go ndéarna ſé leimhe a
naghaidh Iſrael tré luighe lé hinghin
Jácob, ní nar dhlightheach do dheanamh.
8 Agus do rinne Hámor comhrádh ríu,
agus a dubhairt; atá anam mo mhic
Sechem lán dfonn hinghine, athchuin-
ghim ort a tabhairt dó na mnaói.
9 Agus déanuidhſi cleamhnuis rinne, a-
gus tugaidh bhur ningheana dháinn, agus
glacuidh ar ningheana chuguibh.
10 Agus áiteochtháoi nar bhfochair:
agus biaidh an talamh ar bhar gcuinne;
comhnuighidh agus malairtighidh ann,
agus faghaidh ſealbha dhíbh ſéin ann.
11 Agus a dubhairt Sechem ré na
hathair agus ré na dearbhráithribh, fa-
ghuim gráſa an bhur radharc, agus gibh
bé ní déartháoi riom do bhéar uáim é.
12 Ni bhfuil dá mhéid crodh nó ti-
odhlaiceadh iarrfuidhe oram, nach ttiu-
bhra mé uáim do réir mar a déarthaoi
riom; ach go ttugthaoi an cailín damh
na mnaói.
13 Agus do fhreágradur mic Jácob Se-
chem agus a athair Hámor go cealgach.
do chionn gur thrúaillígh ſé a ndeirbh-
ſhiur Dinah.
14 Agus a dubhradur ríu, ní fhéadmáo-
idne an ní ſi a dhéanamh, ar nderbhſhiur
do thabhairt do neach nach bhfuil tim-
chillghéarrrtha; óir do budh maſla
dháinn ſin.
15 Ach áontocham dhíbh mar ſo, má
bhithiſi mar a támáoidne, gach énfhirion-
ach aguibh do bheith timchillghéarrtha.
16 Ann ſin do bhéuram ar ningheana
dháoibh, agus géubham bhur ningheana
chuguinn, agus coimhneocham maille ribh,
agus biam ar néunphobal.
17 Ach muna éiſti rinn ſi bheith
timchillgheártha; ann ſin béuram ar nin-
ghean linn, agus imeocham romhuinn.
18 Agus do thaitin a mbríathra le Há-
mor agus le Sechem, mac Hámor.
19 Agus níor chuir an tóganach maill
ſan ní do dhéunamh, do chionn go raibh
dúil aige a ninghin Jácob; agus do budh
ro onóruighe é ná tigh athar uile:
20 Agus táinic Hámor, agus Sechem a
mhac go geata a ccaithreach, agus do la-
bhradar re muinntir na caithreach, ag rádh.
21 Ataid na dáoineſi ſiothchánta rinn,
uimeſin áitrighidis an talamh, agus déin-
dis malairt ann; óir féachuidh, atá an
fearann fairſiong [illegible] lór dhóibh; glacam a
ningheana na m[illegible]oh chuguinn, agus tu-
gam ar ningheana na mnáibh dhóibhſion.
22 Achd amhain gurob mar ſo áon-
tochuid na daoine linn, comhnuighe do
dhéanamh ar bhfochair go mbemís ar
néanphobal; gach áon fhirionnach aguinn
do bheith timchillghéarrtha, mar a
táidſion timchillghéarrthá.

 23 Nach

23 Nach budh linne a náirneis,a máoin,
agus gach ainmhidhe dá mbí aca ? achd
amháin tigiom léo,agus áitreochuid aguinn.
24 Agus do áontuigh a ndeachuigh a-
mach as geata a gcaithreach lé Hámor,
agus lé Sechem: & do timchillghearradh
gach éinfhear, an mhéid do chuáidh
amách as geata a gcaithreach.
25 Agus tárla an treas lá a núair do
bhádur neimhneach, gur ghlacadar
días mhac Jacob, Simeon agus Lébhi
dearbhráithre Dhínah, gach áon aca a
chloidheamh, agus tangadur ar an gcath-
ruigh go dána, agus do mharbhadur na
fir uile.
26 Agus do mharbhadur Hámor, agus
Sechem a mhac le fáobhar an chloidhimh,
agus tugadar Dínah as tigh Schechem,
agus do chúadur a mach.
27 Tangadur clann Jácob ar a
nár, agus do chreachadar an chathair,
do chionn gur thruáilligheadur a ndeirbh-
shiur.
28 Do thógbhadur a gcaóirigh agus
a ndaimh agus a nassail, agus an
mhéid do bhí sa ccathruigh, agus an
mhéid do bhí ar an machaire léo.
29 Agus a saidhbhrios uile agus a
nóga uile, agus a mná rugadar léo a
láimh, agus do airgeadur go léir a raibh
annsa tigh.
30 Agus a dubhairt Jácob ré Simeon,
agus ré Lébhi; do chuireabhair buái-
dhreadh orum, mo dhéanamh bréun a
measg aitreabhadh na tíre, a measg na
Cccanaanitech, agus a measc na Bperi-
sitech: agus gan mé ach beagán a nui-
mhir, cruinneochuid íad féin uile am
aghuidh, agus muirfid mé, agus sgrios-
fuigher mé féin agus mo thigh.
31 Agus a dubhradur san, nar chóir
dhósan a dhéanamh ré ar ndeirbhshiair-
ne mar do dhéanadh sé ré meirdrigh?

CAIB. XXXV.

Táinic Jacob go Betel. 16 Fuair Ráchel bás ar an tslighe re breith Bhenjamin. 28 Déug & dadhlaiceadh Isaac.

AGus a dubhairt Día ré Jácob;
éirigh, imthigh súas go Bétel a-
gus comhnuigh ann sin: agus déun
altóir ann do Dhía noch do fhoillsigh é
féin duit a nuáir do theith tú ó lathair do
dhearbhrathar Esau.
2 Ann sin a dubhairt Jacob ré na
mhuinntir, agus ré a raibh na fhochair
uile; cuiridh uáibh na Deé coimhighthea-
cha atá eadruibh, agus bighí glan, agus a-
thruighidh bhur néuduighe.
3 Agus éirgheam agus teannum súas
go Bétel, agus do dhéana misi altóir ann
do Dhía, noch do fhreagair mé a nam
mo chrúadhóige, agus do bhi liom ann
gach slighe ar ghabhus.
4 Agus tugadur do Jácob a raibh
do Dhéeibh coimhighthеacha ann
lámhuibh, agus do fholuigh Jácob íad f
an daruigh noch do bhí laimh ré Sech
5 Agus do ghluáiseadur; agus
bhí eagla Dé ar na caithreachuibh do b
gacha taobh dhiobh, agus níor lean
síad clann Jácob.
6 Mar sin thainic Jácob go Lus, no
atá a ttír Chánaan, eadhon Bétel, é
agus a raibh aige uile.
7 Agus do rinne altóir ann, agus
ghoir El-Bétel do náit, do chionn gu
ann do thaisbéin Día é féin dó, a n
do teith sé ó lathair a dhearbhrathar.
8 Ach fuáir Debora banaltra Rebe
bás, agus do hadhlaiceadh í tá
shíos do Bhetel faói dharuigh: a
do goireadh Allonbachut dainm
náitsin.
9 Agus do thaisbéin Día a rís é
do Jácob a nuáir tháinic sé am
as Pádan-Aram, agus do bheann
sé é.
10 Agus a dubhairt Día ris;
cob as ainm dhuitsi; ni goirfigh
feasda Jácob dhíot, ach Israel bh
ainm dhuit: agus do ghoir sé Isra
dainm dhe.
11 Agus a dubhairt Día ris: is m
Día uile chumhachdach, bí síolmh
agus foirlíon: tiocfuidh cineadh a
morán do chinidheachuibh uáid, agus ti
faid ríghthe amach ód fhordhronnuibh
12 Agus an dúthaidh tug misi d
Abraham, agus do Isaac, do bhé
mé dhuitsi í, agus dot shíol ad dhiaig
do bheura me an dúthaigh sin.
13 Agus do chuáidh Día úadh su
sa náit a raibh ag caint ris.
14 Agus do tóg Jácob piléir sa n
a raibh ag caint ris, eadhon piléir cloich
agus do dhóirt ofrail dighe air, agus d
dhóirt ola air.
15 Agus tug Jácob Bétel dainm ar
náit a raibh Día ag caint ris.
16 Agus do aistrigheadur ó Bhétel
agus ní raibh ach slighe ghearr ag teach
go Héphrat, agus do ghabh teinnio
cloinne Ráchel, agus fuáir sí faoth
docamhlach.
17 Agus tárla a nuair do bhí sí an
a saothar éigeantach, go ndubhair
an bhean chunganta ria, ná biodh eag
ort, biáidh an macsa agad mar a
gcéadna.
18 Agus tárla a nuáir do bhí a hanam
ag dul aiste (óir fuáir sí bás) gur goi
sí Benoni dainm dhe: ach tug a athair
Beniamin dainm air.
19 Agus fuáir Ráchel bás, agus do
hadhluicedh í ar a tslighe a ngabhtha
go Héphrat, noch re raidhtior Betlehem
20 Agus do chuir Jácob Piléir ar a
huáighe: sé sin Piléir uáighe Ráchel go
a niugh.
21 Agus do aistrigh Israel, agus do
leathnuigh a phubuil taobh thall do thor
Edar.

22 Agus

22 Agus tárla, a nuáir do bhí Isaac
na chomhnuighe sa duthaigh sin, go
ndeachuidh Reuben, agus gur luigh re
Bilhah leannán athar, agus do chúaluidh
Israel sin. A nois clann Jácob bá dhá
fhear dhéag iad.
23 Mic Léah Reuben céidghin Jácob
Simeon, agus Lébhi, agus Júdah agus Is-
sachar, agus Sebulun.
24 Mic Ráchel, Jóseph, agus Beniamin.
25 Mic Bhilhah, cumhal Ráchel, Dan
agus Naphtali.
26 Agus mic Silpah, cumhal Léah, Gad
agus Assur. Asiad so mic Jácob, noch do
rugadh dhó a Bpádan-Aram.
27 Agus táinic Jácob go nuige a athair
Isaac go Mamre go cathruigh Arbah,
(eadhon Hébron) áit ar chomhnuidh
Abraham agus Isaac.
28 Agus dob íad láethe Isaac céud agus
ceithre fichid bliadhan.
29 Agus do thiomun Isaac a spiorad
suas, agus fúair bás agus do cruinnigh-
eadh chum a dhaóine é, ar mbeith soirfe
lán dáois dó: agus do adhlaiceadur a
chlann, Esau agus Jácob, é.

CAIB. XXXVI.

Trír ban Esau. 9 ó attainig síol Edom.
31 Agus iomdha Rí.

A Nois a siad so geinéaluigh Esau, rê
ráidhter Edom.
2 Tug Esau a mhná dingheanuibh
Chánaain, Adah inghean Elon an Hiti-
tech, agus Aholibamah inghean Anah,
inghean Sibeon an Hibhiteach,
3 Agus Basémat, inghean Ismael, deir-
bhshiúr Nebaiot.
4 Agus rug Adah do Esau Eliphas;
agus rug Basémat Rebhel.
5 Agus rug Aholibamah Jeus, agus
Iaalam, agus Córah: siad so mic
Esau noch rugadh dhó a ttír Chána-
ain.
6 Agus do thóg Esau Ieis a mhná,
agus a mhic, agus a ingheana, agus a nuile
phearsa dá theaghlach, agus a áirniés,
agus a uile ainmhintighe, agus a shu-
bstaint uile, noch fúair sé a ttír Chána-
ain; agus do chuáidh san tír, ó aghuidh a
dhearbhrathair Jacob.
7 Oir budh mó a saidhbhries ná mar
do féadadur diomchar láimh ré céile:
agus an tír ann a rabhadur na gcoi-
mhighthibh, níor fhéad sí a niomchar le
hiomad a máoine.
8 Mar so do áitrebh Esau a gcnoc Seir:
a sé Esau Edom.
9 Agus a siad so geinealuigh Esau
athair na Nédomiteach a gcnoc Seir.
10 A siadso anmanna mhac Esau:
Eliphas mác Adah, bean Esau; Rebhel
mac Bhasémat, bean Esau.
11 Agus dob iad mic Eliphas, Témon,
Omar, Sépho agus Gátam, agus Cénas.
12 Agus do bhí Timnah na leannán ag
Eliphas, mac Esau, agus rug sí De-
liphas Amalec: Dob iád so mic Adah
bean Esau.
13 Agus dob iád so mic Rebhel, Na-
hat, agus Sérah, Sámach, agus Missah:
dob iád so mic Bhasémat bean Esau.
14 Agus dob iád so mic Aholibamah,
inghean Anah, inghean Sibeóin, bean E-
sau: agus rug sí do Esau Ieus, agus Ia-
alam, agus Córah.
15 Dob íad so Duibhcidhe mhac E-
sau: mic Eliphas cédghin Esau Duibhce
Témon, Duibhce Omar, Duibhce Se-
pho, Duibhce Cénas.
16 Duibhce Córah, Duibhce Gátam,
Duibhce Amalec; asiadso na Duibhcidhe
tháinig ó Eliphas a ttír Edom; dob iad
so mic Adah.
17 Agus asiadso mic Rebhel mhac
Esau: Duibhce Nahat, Duibhce Sérah,
Duibhce Sámah, Duibhce Missah: a
síad so na Duibhcidhe tháinic ó Rébhel a
ttír Edom: a siád so mic Bhasémat bean
Esau.
18 Agus is íad so mic Aholibamah
bean Esau; Duibhce Ieus, Duibhce Ia-
álam, Duibhce Córah: a síad so na
Duibhcidhe tháinic ó Aholibamah in-
ghean Anah bean Esau.
19 A siad so mic Esau (noch is Edom)
agus a siad so a Nduibhcidhe.
20 A siad so mic Sheir an Horiteach
noch do áitribh an dúthaidh: Lótan,
agus Sóbal & Sibeon, & Anah.
21 Agus Dison, agus Eser, agus Disan:
is iad so Duibhcidhe na Horiteach clann
Sheir a ttír Edom.
22 Agus is iad so clann Lótain; Hóri,
agur Héman: & deirbhshiur Lótain
Timnah.
23 Agus dob iad so clann Hobail
Albhan, agus Manahat, & Ebal, & Sépho
& Onam.
24 Agus is iad so clann Shibeóin;
aráon Aiah, agus Anah: sé so Anah,
noch fuáir na muillidhe san bhfásach
mar do bhí ag beathughadh asal Shi-
beóin ó athar.
25 Agus dob iad so clann Anah, Dison,
agus Aholibamah inghean Anah.
26 Agus dob iad so clann Dhisoin
Hemdan, agus Esban, & Itran, & Chéran.
27 Agus a siad so clann Eser: Bilhan,
agus Saabhan, agus Acan.
28 Agus a siad so clann Dhisain: Us
agus Aran.
29 A siad so na Duibhcidhe (tháinic)
do na Hóriteachuibh; Duibhce Lótan
Duibhce Sobal, Duibhce Sibeon, Duibhce
Anah.
30 Duibhce Dison, Duibhce Eser,
Duibhce Disan: is iad so na Duibhcidhe
tháinig ó Hóri, a measg a Nduibhcidhe
a ttír Sheir.
31 Agus a siad na Righthe so fuáir
ríoghachd a ttír Edom: suil dó bhí
éinrigh ar ríoghachd ós cionn chloinne
Isráel.
32 Agus Béla mhac Beor do bhí

a ríoghachd

a rioghachd a Nédom : agus ainm a
chaithreach Dinhabah.
33 Agus fuáir Béla bás : agus Jóbad
mhac Sérah ó Bhosra fá righ na áit.
34 Agus do éug Jóbad, agus Husam ó
thir Themáni fa righ na áit.
35 Agus do éug Husam ; agus Hádad
mhac Bédad, noch do bhuail Midian
air mhagh Móáb, fá righ na áit : agus
dob é ainm a chaithreach Abhit.
36 Agus do éug Hádad, agus Samlah ó
Mhasrecah fá righ na áit.
37 Agus do éug Samlah, agus Saul ó
Rehoboth ó nabhuinn, fá righ na áit.
38 Agus do éug Saul, agas Baalhanan
mhac Achbor fa righ na áit.
39 Agus do éug Baalhanan mhac
Achbor, agus Hádar fa righ na áit ;
agus dob é ainm a chaithreach Pau ; a-
gus dob é ainm a mhná Mehetabel in-
ghean Mhatred, inghean Mhesahab.
40 Agus a siad so anmanna na Ndui-
bhceadha tháinic ó Esau, do réir a muinn-
tire ar lorg a naithreach ann a nan-
mannuibh : Duibhce Timnah, Duibhce
Albhah, Duibhce Ietet.
41 Duibhce Aholibamah, Duibhce
Elah, Duibhcé Pinon,
42 Dubhce Cénas, Duibhce Téman,
Duibbce Mibsar,
43 Duibhce Magdiel, Duibhce Iram :
is iad so Duibhcidhe Edom do réir a
náitreabha, a ndúthaigh a seilbhe ; sé
sin Esau athair na Nédomiteach.

CAIB. XXXVII.

Aislinge Jóseph. 18 Tnúth a dhearbhraithre 21 A reice & a thabharta don Egipt.

AGus do bhí Jácob na chomhnuighe
sa tír a raibh a athair na choimhigh-
theach, a ttír Chanaáin.
2 A siad so geinealuigh Jácob, ar
mbeith do Jóseph seachd mbliadhna déag
dáois, do bhí ag inghilt an tréada a bhfo-
chair a dhearbhráithreach, agus do bhí
an tóganach a bhfochair chloinne Bilhah
agus chloinne Silpah, mná a athar : agus
tug Jóseph a ndrochthúarusgbháil chum a
athar.
3 A nois dob annsa le Hisrael Jóseph
ná sa chlann uile, dó chionn gurab é
mac a sheanáoisi é : agus do rinne cóta
dhó diomad dathann.
4 Agus a nuáir do chonncadar a dhear-
bhráithre gur bhannsa le na nathair é ná
a dhearbhráithre uile, do fhuathigheadar
é, agus ní féadaidis labhairt go siothchán-
ta ris.
5 Agus do chonnairc Jóseph aisling,
agus do innis dá dhearbhráithribh í, agus
ba móide fós a bhfúath air.
6 Agus a dubhairt sé ríu : guidhim sibh
éisdigh ris a naislingsi do taibhseadh
dhamh :
7 Oir féachuidh do bhámar ag ceangal
punnann ar an machaire ; agus féachuidh,
do éirigh mo phunnannsa agus do sheasm
súas go díreach, agus féuchuidh do bhadar
bhur bpunnanasa na sealamh na timchioll,
& do rinneadar umhla dom phunnainn.
8 Agus a dubhradar a dhearbhráith-
re ris ; an mbía tusa go deimhin ag
righe ós ar ccionne ? nó an mbía go
deimhin uachdaranachd agad oruinn ?
agus ba móide fós a bhfuath air, tré na
aislingibh, agus tré na bhriathruibh.
9 Agus do chonnairc seision fós aisling
eile, agus do innis sé dá dhearbhraith-
ribh í, agus a dubháirt ; féachuidh, do
chonnairc mé fós aisling eile, agus féach-
uidh do rinne an ghrian agus an ghealach
agus an tíonréulta déug umhla dhamhsa.
10 Agus do innis seision dá athair
agus dá dhearbhráithribh, agus do im-
dhearguidh a athair é, agus a dubhairt ris ;
créd é a naislingse do chonnairc tusa ? an
deimhin go tiucfá misi, agus do mha-
thair agus do dhearbhráithre dar ccló-
nadh féin sios duitsi go talamh ?
11 Agus do fhuathuigheadar a dhearbh-
ráithre é, ach do chomharthuigh a athair
an glór.
12 Agus do chúadar a dhearbhráithre
dingheilt thréada a nathar go Sechem.
13 Agus a dubhairt Israel ré Jóseph,
nach bhfuilid do dhearbhráithre ag
beathughadh an tréada a Sechem ? tar
águs cuirfe mé chugtha thú : agus a du-
bhairt seision ris, atáim annso.
14 Agus a dubhairt sé ris, guidhim
thú, eirigh féuch an maith a tathar ag ad
dhearbhbráithribh, agus an maith a tathar
ag na tréuduibh, agus tabhair scéula chu-
gam a rís ; mar sin do chuir sé amach é
as gleann Hébron, agus táinig sé go Sechem.
15 Agus fuáir duine áirighe é, agus
féuch do bhí ar seachrán ar an magh ;
agus do fhiafruigh an tóglach dhe, ag
rádh ; cía atá tú íarruidh ?
16 Agus a dubhairt seision, atáim ag
íarruidh mo dhearbhráithreach, guidhim
thú innis damh cáit á bhfuilid siad ag
ingheilt ?
17 Agus a dubhairt an tóglach, do
imthigheadur as so ; óir do chuala mé
íad dhá rádh ; déanam go Dótan. Agus
do lean Jóseph a dhearbhráithre, agus fu-
áir a Ndótin iad.
18 Agus a nuáir do chónncadar é a
bhfad úatha, suil thainic sé na ngar, do
comhairligheadur a mharbhadh.
19 Agus a dubhradar gach fear ré chéile,
féuchuidh atá an taislingtheach so ag teachd
20 Déanam a nois ar a nadhbharsin
agus marbham é, agus teilgeam a bpoll
éigin é ; agus a déaram gur mharbh
drochbheitheach éigin é : agus do chí-
feam créud thiucfas dá aislingibh.
21 Agus do chúaluidh Reuben sin,
agus do shaor ó na lámhuibh é, agus do
ráidh, ná marbham é.
22 Agus do ráidh Reuben ríu, ná
dóirtigh fuil ; ach teilgidh é annsa bpoll
so atá ar an bhfásach, agus ná cuiridh
lamh

lámh ann; ionnus go mbeanfadh sé as a
lamhuibh é, dhá thabhairt dá athair a rís.
23 Agus tárla a nuáir tháinig Jóseph
chum a dhearbhráithreach: gur bheana-
dar a chóta dhe, a chóta ioldhathach do
bhí uime.
24 Agus do thógbhadar léó e: agus do
theilgeadar a bpoll é: agus do bhí an
poll folamh, agus ní raibh uisge ann.
25 Agus do shuigheadar sios dithe a-
ráin, agus do thógbhadar súas a súile,
agus do amhairceadar, agus féuch do
tháinic cuideachda Ismaelitech ó Ghi-
lead gun a ccamhulluibh, ag iomchar
spíosra, agus balma, agus mirra, ag im-
theachd dá bhreith sios do Néigipt.
26 Agus a dubhairt Júdah ré na dhearbh-
ráithribh, ciodh an tarbha má mharbha-
máoid ar ndearbhrathair, agus a fhuil a
cheilt?
27 Déanam, agus rácam ris na His-
maeliteachuibh é, agus ná beanadh ar
lámha leis; óir isé ar ndearbhrathair
agus ar bhfeóil é: agus do áontuighedar a
dhearbhráithre sin.
28 Annsin do ghabhadar Midianuigh
ré na ttáobh, ceannuighthe; agus do
thairngeadar agus do thógbhadar súas
Jóseph as an bpoll, agus do réacadur
Joseph ris na Hismaeliteachuibh ar fhi-
chid piosa airgid, agus rugadarsin Jó-
seph do Négipt.
29 Agus dfill Reuben chum an phuill,
agus féuch ní raibh Jóseph san pholl: a-
gus do stiall sé a éudach.
30 Agus do fhill sé ar a dhearbh-
ráithribh, agus a dubhairt; ní bhfuil an
leanamh ann: agus misi cáit a ngéubha
mé?
31 Agus do ghlacadar cóta Jóseph,
agus do mharbhadar meannán do na
gabhruibh, agus do thumadar an cóta
ann sa bhfuil.
32 Agus do chuireadar an cóta iol-
dhathach, agus rugadar chum a nathar
é, agus a dubhradar, ag so mar fuaram-
airne é; aithin a nois a né cóta do
mhic é, nó nach é.
33 Agus do aithin seision é, agus a
dubhairt, a sé cóta mo mhic é, do
mharbh droichbheitheach é, atá Jóseph
ar ná ghearradh na phiosuibh gan
chunntabhairt.
34 Agus do stiall Jácob a eudach, a-
gus do chuir éudach róinnigh uime, a-
gus do rinne doilghios sa na mhac mo-
rán do laéthibh.
35 Agus do éirgheadar a chlann mhac
uile, agus a ingheana suas dá mheisniu-
ghadh, ach do dhiult seision meisneach
do ghlacadh, agus do ráidh sé, óir rach-
aidh mé sios annsa nuáigh chum mo
mhic ag déanamh doilghiosa: mar so
do cháoin a athair é.
36 Agus do reacadar na Midianuigh
é do Néigipt ré Potiphar oifigeach do
mhuinntir Phárao, agus cáiptín a ghár-
da.

CAIB. XXXVIII.

Clann Júdah. 7. & an drochbhéusa. 13. Inntleachd Támar. 27. & a geineoil.

Agus tárla sa namsin, go ndeachuidh
Iudah sios ó na dhearbhráithibh, a-
gus gur fhill a steach go Hadullami-
teach áirighe dar bhainm Hira.
2 Agus do chonnairc Júdah annsin in-
ghean Chanaanitigh áirighe dar bhainm
Suah, agus do gabh sé chuige í, agus
do chiomhriachduin sé ría.
3 Agus do torrcheadh í, agus rug sí
mac, agus tug sé Er dainm air.
4 Agus do tiorrcheadh a rís í, a-
gus rug sí mac, agus tug Onan da-
inm air.
5 Agus do toirrcheadh fós a rís í,
agus rug sí mac, agus tug Sélah dainm
air: agus do bhí sé ann Chesib a nu-
áir rug sí é.
6 Agus tug Júdah bean do Er a
chédghin, dar bhainm Támar.
7 Agus do bhí Er cédghin Júdah go
holc a bhfiaghnuisi an tighearna, agus
do mharbh an tighearna é.
8 Agus a dubhairt Júdah ré Hónan,
Bí ag mnáoi do dhearbhráthar, agus
pós í, agus déuna sliochd dot dhearbhrá-
thair.
9 Agus do bhí a fhios ag Onan nach
budh leis féin an sliochd: agus tárla a
nuáir do chuáidh sé do chomhriachd-
uin ré mnáoi a dhearbhrathar gur
dhóirt sé ar án ttalamh, jonnus nach
dtiubhradh sé sliochd dá dhearbh-
ráthair.
10 Agus do chuir an ní do rinne sé
fearg ar an tighearna: uime sin do mharbh
sé Onan mar an ccéadna.
11 Ann sin a dubhairt Júdah ré Tá-
mar, a bhainchliamhuin; fan ad bhain-
treabhuigh a ttigh hathar nó go fhás-
uigh mo mhac Sélah; (óir a dubhairt sé,
deagla go ttigeamhadh go bhfuigheadh
seision bás fós mar fuáir a dhearbhrái-
thre) agus do imthigh Támar agus do
rinne comhnuighe a ttigh a hathar.
12 Agus a ccionn aimsire do eug in-
ghean Suah bean Júdah, agus do ghlac
Júda meisneach chuige, agus do chuáidh
súas go Timnah mar a raibh luchd
béarrtha a cháorach, é féin agus a cha-
ra Hirah an Tadullamiteach.
13 Agus do hinnseadh do Thámar, dá
rádh; Féuch, téid hathair cleamhna
súas go Timnah do bhearradh a cháo-
rach.
14 Agus do chuir sisi a culuidh
baintreabhuigh dhi, agus do fholuigh
sí í féin le folach, agus do fhill í féin
a néudach, agus do shuigh a náit fho-
fhaicsiana laimh ris a tslighe ag dul
go Timnah óir do chonnairc gur fhás
Sélah,

Sélah, agus nar tugadh í féin na mnáoi
dhó.
15 A nuáir de chonnairc Júdah í, do
shaoil gur méirdreach do bhí ann, do
chionn gur fholuigh sí a haghaidh.
16 Agus do fhill sé uirre ar a tslighe,
agus a dubhairt, guidhim thú luáithigh
ort, leig dhamh a bheith agad; (óir
ní raibh a fhios aige gur bhí bean a mhic
í) agus a dubhairt sisi, créud do bhéura
tú dhamh do chionn a bheith agam?
17 Agus a dubhairt seision, cuirfe mé
meannán chugad ó na gabhruibh: agus
a dubhairt sisi, an bhfuigfe tú geall a-
gum nó go ccuirigh tú chugam é?
18 Agus a dubhairt seision, créud
an geall do bhéura mé dhuit? agus a
dubhairt sisi, do shéula, do bhráisléid,
agus do bhata, noch atá ad láimh: agus
tug sé íad sin di, agus do bhí aice, agus
do toirrcheadh leis í.
19 Agus do éirigh sisi, agus do
imthigh ríompe, agus do chuir a folach
dhi, agus do chuir a héudach baintrea-
bhuigh uimpe.
20 Agus do chuir Judah an meannán
chuice le láimh a charad an Tadullami-
teach, dfagháil a ghill as láimh na mná:
ach ní bhfuáir sé í.
21 Ann sin do fhiafruigh sé do
mhuinntir na háite sin, cáit a bhfuil an
mheirdreach do bhí go hoscuilte ré
táobh na sligheadh? agus a dubhra-
darsan, ní raibh éinmhéirdreach sa
náitsi.
22 Agus do fhill seision go Júdah,
agus a dlbhairt, ní fhaghuim í; a-
gus mar an gcéadna a dubhradar muinn-
tir na háite, ní raibh éinmhéirdreach
sa náitsi.
23 Agus a dubhairt Judah, bíodh
aice deagla go bhfuighmís náire: féuch
do chuir mé an meannánso uáim agus
ní bhfuáir tú í.
24 Agus táinic a steach a ccionn thrí
míosa na dhiáigh sin, gur hinniseadh
do Judah ga radh, do rinne hinghean
Támar meirdreachus: agus feuch fós atá
sí torrach ó stríopachus: agus a du-
bhairt Judah, tugthar amach í, agus
loiscthear í.
25 A nuáir tugadh amach í, do chuir
sí fios chum a hathar cleamhna dá rádh,
ón té léar leis íad so atáimsi torrach:
agus a dubhairt sisi, guidhim thú, méas
cia lear leis íad so, an séula, agus na
bráisléide agus an bata.
26 Agus do adhmuigh Júdah íad,
agus a dubhairt, dob fhíréunta isi ná
misi, do chionn nach dtug mé dom mhac
Sélah í: agus níor bhean ría a rís, ní
is mó.
27 Agus tárla a naimsir a tuis-
midh, féuch go rabhadar días iona
broinn.
28 Agus tárla a naimsir a
tuismidh gur chuir áon aca a lámh
amach, agus gur ghlac an bhean
chuidighe an lámh, agus gur chea
guil snáithe sgárláoide san láimh,
rádh; sé so tháinic amach ar ttús.
29 Agus tárla a nuáir rug sé a lám
ar a hais: féuch tháinig a dhear
bhrathair amach: agus a dubhairt s
cionnus do bhris tusa amach? bíodh a
briseadh so ort féin: uime sin tuga
Phárés dainm air.
30 Agus na dhiáigh sin tháinic am
a dhearbhrathair ar a raibh an snái
scárláoide ar a láimh, agus tugadh Z
rah dainm air.

CAIB. XXXIX.

Dabirse Joseph. 7. A gheanmnuidheach 20 A chur a bpríosun. 21. Mhar a d cairdeas Dé & daoine.

AGus rugadh Joseph síos do NEgipt,
agus Potipher oifigeach do mhuinn
Phárao, caiptín a ghárda, Egiptea
do cheannuigh sé é as lamhuibh
Nismaeliteach, noch tug leó síos a
sin é.
2 Agus do bhí an tighearna ma
re Joseph, agus do bhí na dhuine sho
agus do bhí sé a ttigh a mhaighistir
Tégipteach.
3 Agus do chonnairc a mhaigh
go raibh an tighearna maille ris,
go ttug an tighearna ar gach n
ndearna sé rath do bheith air na
mhuibh.
4 Agus fuáir Jóseph grása iona r
arc, agus do rinne seirbhís dó:
do rinne seithmheóir ós cionn a ti
dhe, agus do chuir sa na láim
raibh aige.
5 Agus tárla ó nuáir sa ndé
sé seithmheóir dhe na thigh, ag
cionn a raibh aige, gur bheann
Día tigh a Négiptigh ar son Jos
agus do bhí beannughadh an t
earna air a raibh aige a stigh,
amuigh.
6 Agus do fhág sé a raibh aig
láimh Joseph, agus níor bhfios dó
dá raibh aige féin, achd amháin an
rán do itheadh sé, agus do bhí Jo
deaghmhaiseach, agus sgíamhach.
7 Agus tárla a ndiáigh na neithe
so, gur leag bean a mhaighistir a
air Jóseph, agus go ndubhairt sí
luigh liomsa.
8 Ach do dhiúlt seision sin, a
dubhairt re mnaói a mhaighistir;
ní feas dom mhaighistir créad atá a
sa tigh, agus do chuir sé a raibh
sám lámhuibh.
9 Ní bhfuil duine is mó ná mé
thigh; agus níor chonnuimh sé
uaim, ach thusa, do chionn gur
bhean: cionnus fhéaduimse mar s
tolc mór sa, agus an peacadh do d
namh a naghuidh Dé!
10 Agus tárla mar dó bhí

lá air lá ag labhairt ré Joseph nach
ar éist sé ría do luidhe lé, no do bheith
aice.
11 Agus tárla timchioll na huáire
sin go ndeachuidh Joseph don tigh
do dheanamh a sheirbhise, agus ní raibh
áonduine do mhuinntir an tighe astigh
ann sin.
12 Agus do rug sisi ar éudach air, dá
rádh; luigh liom: agus do fhág sei-
sion an brat na láimh, agus do theith,
agus do chuáidh sé amach.
13 Agus tárla a nuáir do chonnairc
sisi gur fhág sé an téadach na láimh
agus gur theith amach;
14 Gur ghoir sí ar mhuinntir an ti-
ghe, agus do labhair sí ríu, agus do
ráidh; feuchuidh, tug sé Eabhruigh-
each a steach do mhagadh orúinn:
táinic sé a steach chugamsa do luighe
liom, agus do ghoir misi na chomhairc
go hárd.
15 Agus tháinic dhe sin a nuáir do
chúaluidh sé gur thóg misi mo ghuth ós
áird, agus gur chomhairc mé, gur fhág
a bhrat agum agus gur theith, agus
gur imthigh sé amach.
16 Agus do chuir sí an téadach a
ccumhdach láimh ría nó go ttáinig a
thighearna a steach.
17 Agus do labhair sisi ris do réir
na mbriatharso, dá radh: an serbhí-
seach Eabhruigheach noch thuguis chu-
guinn, tháinig sé a steach chugamsa do
dhéanamh maguidh orum.
18 Agus tárla a nuáir do thog misi
mo ghuth go hárd, agus do éigh mé,
gur fhág sé a bhrat agam, agus gur
theith sé amach.
19 Agus táinic as sin a nuáir dho
chúaluidh a mhaighistir bríathra a
mhná noch do labhair sí ris, dá rádh,
marso do rinne do sheirbhíseach rium, go
raibh a fhearg ar lasadh.
20 Agus do ghlac maighistir Jó-
seph é, agus do chuir a bpríusún é, a
náit a rabhadur príusúnuigh an Righ
ceanguilte; agus do bhí sé ann sin a
bpriosún.
21 Ach do bhí an tighearna fa re Jó-
seph, agus do thaisbéin grása dhó, agus
tug fabhar dhó a lathair fhircoimhéud
an phríusúin.
22 Agus tug fearcoimhéad an phrío-
súin fá láimh Joseph na príosúnuigh
uile, noch do bhí san phriosún; agus
gidh bé ar bith do nidis ann sin, dob
eision do níodh é.
23 Ní fhéuchadh fearcoimhéad an
phriusúin do ní ar bith dá raibh fá na
láimh; do chionn go raibh an tigh-
earna maille rision; agus gach ní dá
ndéanadh sé go gcuireadh an tighearna
rath air.

CAIB. XL.

Aislinge dhías oifigeach Phárao eidirmhinighthe le Jóseph. 14. Noch rinne iarratas dá chombhfuasgladh.

AGus tárla a ndiáigh na neitheanso
gur chuir buitléir agus báicéir Righ
na Hégypte fearg ar a ttighearna Righ
na Hégipte.
2 Agus do fearguidheadh Phárao a
naghuidh deisi dá oifigeachuibh, a na-
ghuidh an phriomhbhuitléir agus an
phríomhbhháicéir.
3 Agus do chuir sé a láimh íad a
ttigh Chaiptín an ghárda, don phrios-
úin, a náit a raibh Jóseph a lá-
imh.
4 Agus do chuir Caiptín an ghár-
da a gcúram ar Jóseph, agus do bhí
ag foghnamh dhóibh, agus do bhádur
seal a bpríusún,
5 Agus do choncadur aráon ais-
ling, gach áon aca a aisling féin a
néanoidhche, gach neach aca do rèir
fhriotail a aislinge; buitleir agás báicér
Righ na Hégipte, noch do bhí ceanguilte
san phriusún.
6 Agus táinig Jóseph a steach
chugtha ar maidin agus do fhéuch
orra, agus féuch do bhádar go dubh-
ach.
7 Agus do fhiafruigh sé doificeachuibh
Phárao do bhí na fhochair a gcoimhéad
tighe a thighéarna, ag rádh: créad
fa bhfuiltísi comhdubhach sin ani-
ugh.
8 Agus a dubhradursan ris, do chon-
camar aislinge, agus ní bhfuil fear a
ccialluighe aguinn. Agus a dubhairt
Jóseph riú, nach ré Día bheanas ci-
allughadh? guidhim sibh, innisidh dha-
mhsa íad.
9 Agus do innis an táirdbhuitléir
a aisling do Jóseph, agus a dubhairt
ris: ann maislingse, feuch, do bhí fín-
eamhuin ar maghuidh.
10 Agus annsa bhfíneamhuin do bhá-
dur trí beangáin, agus (do bhí) amhail
do bhiadh ag scinneadh amach, agus go
raibh a bhláth ag teachd amach, agus
go ttugadúr a ttríopuill cáora apuighe
uatha.
11 Agus do bhí Cupán Phárao am
láimhsi, agus do ghlac mé na grápui-
ghe, agus dfáisg me a ccupán Phárao
iad, agus tug mé an cupán a láimh Phá-
rao.
12 Agus a dubhairt Jóseph ris, a
sé so a chiall sin: na trí beangáin is
trí lá iad sin.
13 Gidheadh fáoi chionn trí lá fós
toigeóbhuidh Phárao do cheann súas, a-
gus cuirfidh ad áit féin thú, agus do
bhéura tú Cupán Phárao na láimh, do
nós an chéd mhódha a nuáir do bhí tú
ad bhuitléir aige.
14 Ach cuimhnigh ormsa a nuáir
beathar go maith agad, agus guidhim
thú

thú taisbéin cineal damh, agus cuimh-
nigh do Pharao mé agus beir amach as
a tighsi mé.
15 Oir as dearbh gur ab é mo ghoid
as crich na Neabhruidheach do rinn-
eadh, ni dhearna mé éinni annso mar an
gceadna as a ccuirfidis ann sa charcairsi
mé.
16 A nuáir do chonnuirc an tárd-
bháicéir gur mhaith brigh na haislinge; a
dubhairt sé re Joseph, do bhí misi mar
an gceadna am aisling, agur féach do bhí
agam tri cléibhínigh bána ar mo chionn.
17 Agus annsa chleibhin uachdarach
do bhí a nuile shórt bídh bhácalta do
Phárao, agus a dúadar a néunlaith iad
dom chionn as na cléibhínibh.
18 Agus do fhreagair Jóseph agus
a dubhairt: sé so a chiall sin: na trí
cléibhínigh, trí lá iad sin.
19 Gidheadh fáoi chionn thrí lá fós
toigeóbhuidh Phárao do cheann uáitsi, a-
gus crochfuidh sé ar crann thú, agus
íosuidh a néunlaith thfeóil díot.
20 Agus tárla an treas lá, noch
ba lá beartha Phárao, go ndearna sé
féusta dá sheirbhíseachuibh uile, agus
gur thóg súas ceann a nárdbhuitleir a-
gus a nardbháiceir ameasc a sherbhi-
seach.
21 Agus do aisig sé an tárd-
bhuitléir chum a bhuitléireachda a ris: a-
gus tug sé an Cupán a láimh Phá-
rao.
22 Ach do chroch sé an tárdbhái-
céir: mar do innis Jóseph dhóibh.
23 Gidhéadh níor chuimhnigh an
tárdbhuitléir air Jóseph, ach do dhear-
muid se é.

CAIB. XLI.

*Aislingidh Pharao. 14. ar na neidirmhini-
ughadh lé Joseph. 38. neach do dhearnadh
na Riaghlóir ar an Egipt.*

AGus tárla a gcionn dá bhliadhan
iomlán go bhfaca Phárao aisling,
agus féuch do bhí sé na sheasamh lá-
imh ris a nabhainn.
2 Agus féuch, tháinig a nsíos as a
nabhuinn seachd mbath sgíamhacha,
agus íad ramhar a bhféóil, agus do bhá-
dur ag ingheilt ar mhóinfhéar.
3 Agus féuch, tháinic na ndiáigh as
a nabhuinn seachd mbath eile, gránda,
agus trúagh a bhféoil, agus do sheasá-
dur a bfhochair na mbó eile, ar brúach
na habhanna.
4 Agus dúadar na bath gránda
feóiltrúagha na seachd mbath bréaghdha
reamhra; agus ann sin do mhúsguil
Phárao.
5 Agus do choduil sé, agus do chonn-
airc sé aisling an dara huair; agus
féuch, tangadur seachd ndíasa arbha
ar éanchoinnlín mbéath agus mha-
ith.
6 Agus féuch tangadur sea
ndiása tana cáola, ar na ccáochadh
gháoith a nsoir, a nios na n
igh.
7 Agus do shluigeadar na sea
ndíasa tana cáola na seachd ndía
rambra lána. agus do mhúsguil Ph
rao, agus féuch dob aisling é.
8 Agus tárla air maidin go raibh
spiorad buaidheartha; agus do ch
fios, agus do ghoir ar dhráoithibh
Hégipte uile, agus ar a dhaóinibh
nna, agus do innis Phárao a ais
dhóibh, ach níor fríth áonduine do in
sadh a cciall do Phárao,
9 Ann sin do labhair an tárdbhuit
ré Phárao ag rádh, cuimhnighim
lochda a niugh.
10 Do bhí Phárao feargach ré
sherbhíseachuibh, agus do chuir sé
a bpriosún a ttigh chaiptín an gh
mé féin agas an tárdbháicéir.
11 Agus do choncamair aisling a
noidhche amháin, misi agus eision
taidhbhreadh dá gach neach aguinn
réir eidirmhínighe a aislinge féin.
12 Agus do bhí ionar bhfochair
sin óganach Eabhruidheach, serbhís
chaiptín an ghárda, agus do innisi
dhó ar naislingidh, agus do fhoill
ciall ar naislinghidh dhúinn, do
áon aguinn do réir a aislinge.
13 Agus tárla, do réir mar do fh
sigh sé dhúinn gur mar sin do b
do fhill Phárao misi a rís chum
fige, agus do chroch sé eision.
14 Ann sin do chuir Phárao
agus do ghoir ar Jóseph, agus tug
leó é go deifreach amach as an b
sin; agus do bhéarr seision é
agus do athruigh a chuluidh,
táinic a steach go nuige Phárao.
15 Agus a dubhairt Phárao re
seph, do chonnairc mé aisling,
ní bhfuil neach fhéadus a heidirmh
ghadh, agus do chúala me teachd
go ttuigeann tu aisling chum a he
mhínighe.
16 Agus do fhreagair Jóseph
rao dá rádh, ní hionnamsa atá
do bhéura Día do Phárao freagra
thchánta.
17 Agus a dubhairt Phárao re
seph; ann maisling féuch, do she
ar bhrúach na habhanna.
18 Agus féuch, tháinig a nsíos
nabhuinn seachd mbath ramhra
mhara sgíamacha, agus do bhádar
inghilt ar léana,
19 Agus féuch, tangadur se
mbath eile amach na ndiaigh, tr
granda, teircfheólach, a leithéid
bhfaca mé ríamh ar feadh chrích
Hégipte ar olcas.
20 Agus a dúadar na bath
gha ghránna súas na seachd m
ramhra sin.
21 Agus a nuair a dúadar

...ad, ní raibh a fhios a ndúadar iad,
...ch do bhádur granna do ghnáth, mar
...o bhádar ó thus: ann sin do mhúsg-
...il mé.
22 Agus do chonnairc mé ann mais-
...ing, agus féuch, tháinic as áonchoinn-
...ín amháin seachd ndíasa iomlán, agus
maithe.
23 Agus féuch, tháinic súas na
ndiaigh so seachd ndíasa criona tana,
agus ar na ccáochadh ón ngaoith a
nsoir.
24 Agus do shluigeadur na diasa
tana na seachd ndiasa maithe; agus
do innis mé so do na draóithibh, ach
ní frith éunduine dfoillseochadh a
mbrígh dhamh.
25 Agus a dubhairt Jóseph re Phá-
rao; is ionann aisling Phárao: do
fhoillsigh Día do Phárao an ni as mí-
an leis do dhéunamh.
26 Na seachd mbath maithe is seáchd
mblíadhna iad, agus na seachd ndíasa
maithe, is seachd mbliadhna iad; is
ionann a naisling.
27 Agus na seachd mbath tana
granna tháinic a nsíos na ndiaigh, se-
achd mblíadhna íad; agus na seachd
ndíasa folmha, buáilte on ngaoith a nsoir,
budh séachd mbliadhna gorta íad.
28 As é so an ní dubhairt mé re
Phárao: an ní is áil le Día do dhéa-
namh atá sé agá fhoillsiughadh do Pha-
rao.
29 Bíodh a fhios agad go bhfuilid
seachd mbliadhna mórthórrthacha ag
teachd ar feadh chriche na Hégipte
uile.
30 Agus éiréochuid na ndiaigh sin
seachd mbliadhna gorta, agus dearmad-
fuighear an fhairsinge uile a gcrich na
Hegipte, agus millfidh an ghorta an
talamh.
31 Agus ní biá fios an Líonmhuire sa
tír, do bhrígh na gorta sin thig na
dhiáigh; óir biáidh sé ro throm.
32 Agus do chionn gur dúbluigheadh
an naisling do Phárao fá dhó; is uime
sin gur cinneadh an chúis lé Día, agus
do bhéara a ccrich é go goirid.
33 A nois uime sin, faghadh Phárao
duine discréideach críonna, agus cuir-
eadh é os cionn chriche na Hégipte.
34 Déanadh Phárao mar so, agus
orduigheadh sé oifigidh ós cionn na
críche, agus tógbhadh an cúigeadh
cuid do chrich na Hégipte, annsna seachd
mbliadhnuibh tóirrtheacha.
35 Agus cruinnighedis uile beatha na
mbliadhan maith sin do thiocfas, agus
cuiredis arbhar a dtaisge faói láimh
Phárao, agus cumhduighedis beatha ann
sna caithreachaibh.
36 Agus biaidh an lónn sin na stór ag
an talamh a noirchill sheachd mbli-
adhan na gorta, noch bhias a ttalamh
na Hégipte; ionnus nach aidhmhill-
fidh an talamh trid an ngorta sin.
37 Agus do tháitin an ní sin ré
Phárao: agus ré na sherbhiseachuibh
uile.
38 Agus a dubhairt Phárao re
na mhuinntir, an séidir dháinn duine
ann a bhfuil spiórad Dé mar é so dfa-
ghail?
39 Agus a dubhairt Pharao ré Jó-
seph, do chionn gur thaisbein Día so
uile dhuitsi, ní bhfuil duine is discréi-
dighe agus is críonna ná thú féin.
40 Biaidh tú ós cionn mo thighe,
agus is réir do bhréithre bhías riaghlú-
ghadh mo dháoine uile: ann mo cha-
tháoir ríogha amháin bhías mé ní is mó
ná thú.
41 Agus a dubhairt Pháraó ré Jóseph;
féuch do chuir mé ós cionn críche na
Hégipte uile thú.
42 Agus do bhean Phárao a fháinne
dá láimh, agus do chuir sé ar láimh Jó-
seph é, agus do chuir sé culaidh shíoda
uime, agus do chuir slabhra óir fa na
bhrághuid.
43 Agus tug air dul air marcuigh-
eachd san dara carbad do bhí aige:
agus do fhúagradar roimhe, fillidh bhar
nglún: agus do rinne sé úachdarán dhe
ós cionn críche na Hégipte uile.
44 Agus a dubhairt Phárao ré Jó-
seph: is misi Phárao, agus gan tusa
ní thoigeobhuidh éanduine a lámh na a
chos súas a ttaalamh na Hégipte
uile.
45 Agus do ghoir Phárao mar
ainm do Jóseph Saphnat-Phaaneah, a-
gus tug sé mar mhnáoi dhó Asénat
inghean Photipherah sagart On: agus
do chuáidh Jóseph amach ar feadh
chriche na Hégipte uile.
46 Agus do bhí Jóseph tríochad
blíadhan dáois a nuáir do sheas se a la-
thair Phárao Rígh na Hégipte: agus do
chuáidh Jóseph amach as fiaghnuisi Phá-
rao, agus do chuaidh ar feadh críche na
Hégipte.
47 Agus ann sna seachd mbliadnuibh
tóirrtheacha tug an talamh torádh
úadh na dhornánuibh.
48 Agus do chruinnigh seision súas
beatha na seachd mbliadhan noch do
bhí a ttalamh na Hégipte, agus do chuir
an bbeatha a ttaisgidh ann sna caithrea-
cuibh, toradh na bhfearann do bhí gach
éantáoibh fá gcuáirt gach éanchaithreach
do chuir sé a ttaisgidh innte féin é.
49 Agus do chruinnigh Jóseph arbhar
mar ghainimh na fairge, rómhórán, nó
go ndeachuidh sé ó chomháireamh, óir
níor bhféidir a áireamh.
50 Agus rugadh dias mac do Jó-
seph suil thangadar bliadhna na gorta,
noch rug Asénat inghean Photiphera,
sagart On, dó.
51 Agus tug Joseph Manasseh dainm
ar an ccéidghin; óir do thug Día orum,
air sé, mo uile sháothar, agus tigh
máthar uile do dhearmad.

52 Agus

52 Agus tug ſé Ephraim dainm ar
an dara fear: óir do rinne Día ſíol-
mhar mé a ttalamh mo bhuaidhridh.
53 Agus do críochnuighéadh na ſeachd
mbliadhna tóirtheacha do bhí a tta-
lamh na Hégipte.
54 Agus do thoſuigheadar ſeachd
mbliaghna na gorta teachd mar á du-
bhairt Jóſeph; agus do bhí an ghorta
ann gach uile thír; ach do bhi arán a
ttalamh na Hégipte uile.
55 Agus a nuáir do bhí gorta a gc-
rích na Hégipte do éighmheadar na
dáoine ar Phárao diarruigh aráin air:
agus a dubhairt Phárao ris na Hégiptibh
uile: imthighidh dionnſuighe Jóſeph,
déanuidh an ní a déara ſé ribh.
56 Agus do bhí an ghorta ar aghuidh
na talmhan uile, agus do oſcuil Jó-
ſeph tighthe an ſtóruis uile, agus do
reac ris na Hégiptibh: agus do fhás
an ghorta go trom á gcrich na Hé-
gipte.
57 Agus táinig a nuile thír go Jó-
ſeph don Egipt do cheannach arbha,
do chionn go raibh an ghorta chomh-
throm ſin ann gàch entír.

CAIB. XLII.

Teachd dhearbhraithre Jóſeph don Egipt.
7. Le cáil eaſcaoin cheaſdnuigh ſé iad.
24 Nochd aríſ a chaoin doibh.

A Nuáir do chonnairc Jácob go raibh
arbhar ſa Négipt, a dubhairt Jácob
ré na chloinn: créud ſa bhfuiltí ag féa-
chuin ar a chéile.
2 Agus a dubhairt ſeiſion, féuch do
chúala mé go bhfuil arbhar ſa Négipt:
éirgidh ſios ann ſin, agus ceannchaidh
dhúinn as ſin ionnus go mairfeam, a-
gús nach bhfugheam bás,
3 Agus do chúadar deithneamhar
dearbhráthar Jóſeph ſios do Négipt do
cheannach arbha.
4 Ach níor chuir Jácob Beniamin,
dearbhrathair Jóſeph le na dhearbhrái-
thribh; óir a dubhairt ſé, ar eagla go
nimeochadh tubuiſte air.
5 Agus tangadur mic Iſrael do chea-
nnach arbha a meaſc na ndaoine
tháinic: óir dó bhí an ghorta a ttír
Chánaain.
6 Agus dob é Jóſeph dob uachda-
rán ós cionn na tíre uile, agus is ei-
ſion do reacadh ré daoinibh na tíre
uile: agus tangadar dearbhráithre Jó-
ſeph, agus do umhluighéadur íad féin
ſíos dá lathair lé na naighthibh go
talamh.
7 Agus du chonnairc Joſeph a dhear-
bhráithre, agus do aithin íad, ach do
chonnaimh é féin úatha, agus dó la-
bhair go garbh ríu: agus a dubhairt
ríu, cáit as a ttangabhairſi? Agus a du-
bhradarſan, as tír Chánaain, do cheann-
ach bídh.
8 Agus do aithin Jóſeph a dhearbh-
ráithre, agus nior aithnigheadurſan ei-
ſion.
9 Agus do chuimhnigh Jóſeph air a
naiſling do chonnairc ſé na ttimchiol-
ſán, agus do ráidh ríu, is luchd bra-
tha ſibh, tangabhair dféachuin éadain-
gneach na tíre.
10 Agus a dubhradurſan ris, ní headh
a thighearna, ach do cheannach bídh tan-
gadar do ſherbhiſigh.
11 Is clann éanathar ſinn uile: is da-
óine fírinneacha ſinn, ní luchd bratha
do ſherbhiſigh.
12 Agús a dubhairt ſeiſion ríu, ní
headh achd is dféachuin éadaingneach
na tíre thangabhair.
13 Agus a dubhradarſan, ataíd do
ſherbhíſigh dá ſhear dhéag do dhear-
bhráithribh, mic éanduine amhain a
ttír chánaain; agus féuch, atá an mac
as óige a bhfochair ar nathár, agus áon
mhac nach bhfuil.
14 Agus a dubhairt Jóſeph ríu, ſé ſin
an ní do labhair mé ribh, da rádh, is
luchd bratha ſibh.
15 Is mar ſo dearbhochar ſibh: dar
anum Phárao ni rcachtháoi amach as
ſo, muna ttí bhur ndearbhrathair as óige
annſo.
16 Cuiridh duine aguibh ar ſiubhal,
agus tugadh ſé bhur ndearbhrathaír leis,
agus coinneochthar ſibhſi a bpríoſún nó
go ndearbthar bhur mbriathra, an bhfuil
fírinne ionnuibh: nó dar anum Phárao
go dearbhtha is luchd bratha ſibh.
17 Agus do chuir ſé íad uile a bprío-
ſún go ceann thri lá.
18 Agus a dubhairt Jóſeph ríu an
treas lá, déanuigh mar ſo, agus mairidh:
óir atá eagla Dé orum.
19 Mas dâoine fírinneacha ſibh, fa-
bhuidh áon da bhúr ndearbhráithribh
a ttigh bhur bpríoſuin: imhthighidh-
ſe, beiridh arbhar libh ar ſon gorta
bhur ttighthe.
20 Ach tuguidh bhur ndearbhrathair
as óige chugamſa, mar ſin fhiorfuighear
bhur mbriathra, agus ní bhfuighthi bás:
agus do rinneadur amhluidh ſin.
21 Agus a dubhradur eatorra féin,
atámaóid go deimhin ciontach a ttaobh
ar ndearbhrathar, do bhrigh go bhfaca-
mar doilghios a anma a nuáir do ghuidh
ſé ſinn, agus nar éiſdeamar ris; is uime
ſin tháinig an mhairgſe oruinn.
22 Agus do fhreagair Reuben íad, dá
radh, nach ar labhair miſi ribh, dá
rádh, ná peacuighidh a naghaidh an le-
nimh, agus nior éisdeabhhair rium? ar a
nadhbharſin féuchuidh mar an cceadna
atá a fhuil dá leanmhuin oruibh.
23 Agus ní raibh a fhios aca gur thuig
Jóſeph íad; óir is lé fear edirmhínigh-
the da labhair ſé ríu.
24 Agus do iompoigh a chúl ríu, agus
do ghuil ſé; agus do fhill orra a rís, a-
gus do bhí ag cómhrádh ríu, agus rug
ſé Símeon úatha, agus do cheanguil é
as coinne a ſúl.

25 An

25 Ann ſin do aithin Jóſeph a ſaic
do líonadh, agus cuid airgid gach nduine
aca do chur na ſhac féin, agus lónn do
thabhairt dóibh chum na ſligheadh ; a-
gus is marſo do rinne ſé ríu.
26 Agus do ualuigheadur a naſ-
ſail leis a narbhar, agus do imthighea-
dur as ſin.
27 Agus a nuáir do oſcuil fear
aca a ſhac do thabhairt próantair dá aſ-
ſal ſa tigh óſda, do chonnairc ſé a
chuid airgid : óir féuch do bhí ſé a
mbéul a tſaic.
28 Agus a dubhairt ſé re na dhearbh-
raithribh, do haiſigeadh mo chuid
airgid ; agus féuch atá ſé ann mo
ſhac : agus do láguidh 'ſin a ccroidh-
the, agus do bhí eagla orra, da rádh
eaturra féin, créad an ní ſi do rinne
Día rinn ?
29 Agus tangadur go Jácob a
nathair go tír Chanaain, agus do inniſea-
dur dhó gach ní dá ttárla dhoibh, dá
rádh :
30 An té is tighearna ar an tír,
do labhair ſé go garbh rinn, a-
gus do ghlac ſinn mar luchd bratha ar
an dtír.
31 Agus a dubhramairne ris : is
dáoine *fírinneacha* ſinn, ní luchd bra-
tha ſinn.
32 Atámáoid dá *fhear* dhéag do
dhearbhráithribh, mic ar nathar, atá
aon mhac nach bhfuil, agus atá an mac
is óige ſan ló a niugh a bhfochair ar
nathar a ttír Chanaain.
33 Agus an tóglach, tighearna
na tíre, a dubhairt ſé rinn, as mar
ſo aitheónus mé gur dáoine fírinneacha
ſibh : fagbhuidh áon dá bhur ndearbh-
raithribh agamſa annſo, agus beiridh
beatha libh ar ſon gorta bhur tteagh-
lach, agus bithí ag imtheachd.
34 Agus tugaidh bhur ndearbhrá-
thair is óige chugamſa : annſin aitheónus
mé nach luchd bratha ſibh, ach gur
dáoine fírineacha ſibh : mar ſin do
bhéura mé bhur ndearbhrathair dhibh,
agus do gheabhthaói ceannuigheachd ſa
tír.
35 Agus tárla a nuáir do *fhol*-
mhuigheadur a ſaic, go raibh ceangla-
chán airgid gach éanduine ann a ſhac
féin : agus a núair do choncadar féin,
agus a nathair na ceanglacháin airgid,
do bhí eagla orra.
36 Agus a dubhairt Jacob a nathair
ríu, do bheanabhair mo chlann díom,
ní bhfuil Jóſeph ann, agus ni bhfuil Si-
meon, agus béurthaoi Benjamin uáim :
ataid na neitheſi uile am aghuidh.
37 Agus dubhairt Reuben ré na a-
thair da rádh, marbh mo dhías macſa,
muna ttuga mé chugad é : tabhair am
láimhſi é, agus do bhéura mé chugad a
rís é.
38 Agus a dubhairt ſeiſion, ni
racha mo mhacſa libh ſíos : óir déug a
dhearbhrathair, agus do ſágbhadh eiſion
na áonar ; má bheanann tubuiſde dhó
ſa tſlighe ann a rachthaóiſi, ann ſin
béurthaoi mo ghrúag liathſa maille re
dobrón chum na huáighe.

CAIB. XLIII.

Filleadh na mbrathar maille le Benjamin.
16 Noch da ttug Joſeph cuireadh ridh-
mheach.

AGus do bhí an ghorta go ro mhór
ſa tír.
2 Agus tárla a nuáir a dúadar an
tarbhar, noch tugadar as a Négipt,
go ndubhairt a nathair ríu, éirgidh fós,
ceannchuidh dhuinn beagán bídh.
3 Agus do labhair Júdah ris, ag
rádh, do dhearbh an tóglach dhuinn ag
radh, ní fhaicfidhe mo ghnúis muna
ttucthaói bhur ndearbhrathair libh.
4 Má chuirionn tuſa ar ndearbhrathair
linn, racham ſíos agus ceinneacham bea-
tha dhuit.
5 Achd muna ccuire tú linn *é*, ni
racham ſíos : óir a dubhairt an tóglach
rinn, ní fhaicfidhe mo ghnúis, muna
raibh bhur ndearbhrathair libh.
6 Agus a dubhairt Iſrael, cread as
a ndearnabhair an tolc ſo oram, gur
iuniſeabhair do nóglach go raibh dearbh-
ráthair eile aguibh ?
7 Agus a dubhradurſan, do fhiaf-
ruigh an tóglach go cruádhógach dhínn,
ar ſtaid, agus ar gcinéul, ag rádh,
an bhfuil bhur nathair beó fós ? an
bhfuil dearbhrathair eile aguibh ? agus do
inniſimairne dhó réir brighe na mbria-
tharſa : nar bhféidir dhuinn a dheirbh-
fhios do bheith aguinn, go naibéoradh
ſé, tuagidh bhur ndearbhrathair libh.
8 Agus a dubhairt Júdah re His-
rael, a athair cuir an leanamh liomſa,
agus éireócham, ionnus go mbiam beó,
agus nach éagſam, ſinn féin, agus tuſa,
agus ar náos óg.
9 Biaidh miſi a nurrudhas duit air ;
as mo láimhſi iarrfas tú é ; muna
ttuga mé chugad é, agus a chur as
do choinne, ann ſin bíodh aithbhear go
bráth orum.
10 Oír muna ndearnamaóis ſaddail,
is dearbh go mbemís a nois air ar
nais an dara huáir.
11 Agus a dubhairt Iſrael a na-
thair ríu, más éigion a bheith mar ſin
a nois ; déanuigh ſo ; beirigh libh na
tórrtha is féarr ſa tír ann bhur ſoithi-
ghibh, agus beiridh ſíos chum a nógla-
oich tiodhlachadh, beagán balma, agus
beagán meala, ſpíoſra, agus miorr, cnó
agus almoinne.
12 Agus beiridh airgead dúbalta
ann bhur láimh, agus an tairgead tuga-
bhair libh a rís a mbéuluibh bhur ſac,
beiridh libh a rís ann bhur láimh é ;
do béidir gur mainneachdna é.

13 Beiridh

13 Beiridh libh mar an gcéadna bhur ndearbhrathair: éirgidh, agus imthighidh a rís gus a nóglach.

14 Agus Dia uile chumhachdach do thabhairt grás díbh a lathair a nóglaoich, ionnus go ccuirfidh sé libh bhur ndearbhrathair eile, agus Benjamin: má chaillimsi mó chlann, do chaill me [me féin.]

15 Agus do ghlacadur na fir na tiodhlaicthe, agus do ghlacadar airgead dúbulata na láimh, agus Benjamin; agus do éirgheadur súas, agus do chuadar síos do Négipt, agus tangadur a lathair Jóseph.

16 Agus a nuáir do chonnairc Jóseph Benjamin aca, a dubhairt sé re feadhmannach a thighe, tabhair íad so dom thigh, águs marbh agus ullmhuigh feóil; óir is agamsa íosaid so san meadhon laói a niugh.

17 Agus do rinne an tóglach mar a dubhairt Jóseph ris: agus tug an tóglach na daóine a steach go tigh Jóseph.

18 Agus do bhí eagla ar na daóinibh do chionn mar tugadh a steach go tigh Joseph íad: agus a dubhradur, is ar son a nairgid do filleadh ann ar sacuibh an chéad uáir, tugadh a steach sinn, go madh féidir ris cúis díarruigh ar naghuidh, agus luidhe oruinn, agus ar nglacadh mar dhaoinibh daora agus ar nassail.

19 Agus tangadur a bhfogus do fheadhmannach tighe Joseph, agus do labhradur ris ag dorus an tighe.

20 Agus dubhradur ris, ó a chara thangamar a nsúas go deimhin an chéad uáir, do cheannach bídh.

21 Agus tárla dhúinn a nuáir thangamar don tigh ósta, gur osglamar ar saic, agus féuch go raibh airgead gach áonduine aguinn a mbéul a shaic, ar nairgead a ccomhthrom iomlán: agus tugamar linn a ris é nar láimh.

22 Agus tugamar airgead eile linn nar láimh do cheannach bídh: ní feas dúinn cía chuir ar nairgead ann ar sacuibh.

23 Agus a dubhairt seision, síothcháin maille ribh: ná bíodh eagla oruibh; bhur Ndia, agus Día bhur nathar thug ionnmhus díbh ann bhur sacuibh; do bhí bhur nairgead agamsa: Agus tug sé Simeoin amach chugtha.

24 Agus tug an tóglach na daóine a steach go tigh Joseph, agus tug uisge dhóibh, agus do nigheadur a ccossa, agus tug bíadh da nassaluibh.

25 Agus do rinneadur na tiodhlaicthe réidh a ccoinne Joseph do theachd san mheadhon laói: óir do chúaladur go níosaidís aran ann sin.

26 Agus a nuáir tháinig Jóseph dha thigh tugadur chuige na tiodhlaicthe do bhí ann a láimh don tigh, agus do chláonadur íad féin go talamh dhó.

27 Agus do fhíafruigh sé dhíobh rabhas go maith aca, agus a dubh[airt] sé, an bhfuil bhur nathair go mai[th] an seanduine air ar labhrabhair, [a] bhfuil sé béo fós.

28 Agus do fhreagradarsan, atá [do] sheirbhíseach ar nathairne a sla[n] mhaith, atá sé beó fós: agus do ch[ro]madar síos a ccinn, agus do rinnea[dur] umhla.

29 Agus do thóg seision a shúile a[gus] do chonnairc a dhearbhrathair Ben[ja]min mac a mhathar, agus a dubh[airt] a né so bhur ndearbhrathair as óige ar labhrabhair rium? agus a dubhairt go raibh Dia grásamhuil duit, a mhic.

30 Agus do rinne Jóseph deith[ne] óir do bhí a chroidhe ag lúth re dhearbhrathair; agus do íarr áit nguilfiodh, agus do chuaidh a steach sheómra, agus do ghuil ann sin.

31 Agus do ionnuil a aghuidh, agus do chuáidh amach, agus do ch[o]nuimh air féin, agus a dubhairt, arán ann so.

32 Agus do chuiredar ní rom dhósan leis féin, agus dóibhsion féin, agus do na Hégiptibh a d[o bhí] na fhochair, leó féin, do chionn bhféidir do na Hégiptibh arán dithe na Heabhruighibh; óir is morghráin ag na Hégiphtibh.

43 Agus do shuigheadur as a choin[ne] an tí fá sine do réir a cheirt-bein[e] agus an té dob óige do reir a ógántach agus do bhí iongnadh ag na daoinibh a chéile.

34 Agus do ghlac seision, agus chuir míasa bidh chuca óna bhord fé[in] gidheadh fá mó oircheasachd Bheniam[in] cuig uáire ná cuid áonduiné acasan: [a]gus do ibheadar, agus do bhádur súb[h]ach aige.

CAIB. XLIV.

Inntleacht Joseph do chonbhail moille a Bhráithribh. 14 Athchoinnidh ... *Judah.*

AGus do aithin sé do fheadhm[an]tach a thighe, ag radh, lion s[aic] na muinntire sin darbhar, oiread fhéadfuid do bhreith leó, agus c[uir] airgead gach éanduine aca a mbéul shaic féin.

2 Agus cuir mo chupansa, cupán airgid, a mbeul shaic an tí óige, agus airgead a arbha: agus rinne sé do réir a nfocail a dubhai[rt] Jóseph ris.

3 Agus comhlúath as déirghe an do cuireadh na dáoine ar siubhal, féin agus a nassail.

4 Agus a nuáir do chuadar a mach as an gcathruigh, agus nac deachadur a bhfad fós, a dubhairt Jóse[ph] re na fheadhmantach, éirigh suás, le[an] a ndiaigh na muinntire úd, agus a nuái[r] bhéur[

bhéurus tú orra, abair ríu, cread sa
dearnabhair olc a naghuidh maitheasa.
5 Nach é so an cupán a nibhionn
mo thighearna deoch, agus do deimhin
é ndéanann sé tairrgire? is olc do
rinneabhair sin a dhéanamh.
6 Agus do rug sé orra, agus
do labhair sé ríu na bríathra cé-
adna.
7 Agus a dubhradursan ris, cread
fá nabair mo thighearna na bríath-
rasa? nar leigidh Día go ndéindís do
sherbhísigh do réir an neithesi.
8 Féuch an tairgead súaramar a
mbéuluibh ar sac, tugamar chugadsa
a nsúasa a rís as tír Chanaain é: cionnus
mar sin do ghoidsemís as tigh do thi-
ghearnasa ór nó airgead?
9 Gidh bé air bith dod sherbhísea-
chuibh agá bhfuighthear é, cuirthear eision
chum báis, agus bimídne mar an gcéadna
ar sclábhuidhibh ag mo thighearna.
10 Agus a dubhairt seision, a nois
uimesin bíodh sé réir do bhríatharsa:
gidh bé gá bhfuighthear é, biaidh na
sherbhíseach agamsa, agus beithíse
neimhchiontach.
11 Ann sin do leagadur a nsúas
gach éanfhear aca a shac féin go luath
go talamh, agus do oscuil gach éanduine
a shac.
12 Agus do spíon seision, agus
do thosuigh ris an tí fá sine, agus
dó chríochnuigh ag an tí dob óige,
agus do fríth an cupán a sac Bhenia-
min.
13 Ann sin do reabadur é néadach,
agus do chuir gach éanduine a shac súas
ar a asal, agus do fhilleadur don chá-
thruigh.
14 Agus táinig Júdah, agus a
dhearbhráithre chum Joseph (óir do bhí
sé annsin fós) agus do léigeadur iad féin
ar a ttalamh na fhiadhnuidhsi.
15 Agus a dubhairt Joseph riu,
cread an gníomhso do rinneabhair? nach
bhfuil a fhios aguibh go bhféadann duine
mar misi faidheadoireachd do dhéanamh.
16 Agus a dubhairt Judah, créad
a déaram ream thighearna? créad láibheó-
ram? nó cionnus ghlansam sinn féin?
do fhoillsigh Día éacceart do sherbhíse-
ach: féuch, is serbhísigh dhar ttighearna
sinne araon, agus an té ag ar fríth
an cupán.
17 Agus a dubhairt seision, nár
léige Día go ndeanuinnsi sin; achd an
té ag ar fríth an cupán na láimh biáidh sé
na sheirbhíseach agam; agus ar bhur sonsa
éirgidh romhuibh súas go síothchanta a
cceann bhur nathar.
18 Ann sin táinic Judah a bhfo-
gus dósan, agus a dubhairt sé, oh a
thighearna, guidhim thú léig dot sher-
bhíseachuibh focal do labhairt a néis-
deachd mo thighearna, agus ná lasadh
thfearg a naghuidh do sherbhísigh: oir is
ionann tú agus Phárao.
19 Do fhíafruigh mo thighearna dá
sherbhíseachuibh, ag rádh, an bfhuil
athair nó dearbhrathair aguibh?
20 Agus a dubhramairne rem thi-
gearna, atá athair aguinn, seanduine,
agus leanamh rugadh dhó na aois fhoirfe,
leanamh beag: agus fuair a dhearbhra-
thair bás, agus do fágbhadh é féin na áo-
nar óna mhathair, agus atá grádh agá
athair air.
21 Agus a dubhairt tusa réd
sherbiseachaibh, tugaidh chugamsa a
nsúas é, ar chor go bhfaicfidh mé é
dom shúilibh.
22 Agus a dubhramairne rem thi-
ghearna ní fhéadann an leanamh a
athair dfágbháil, óir dá bhfágbhadh sé a
athair, do gheabha a athair bás.
23 Agus a dubhairt tusa réd sher-
bhíseachaibh, muna tti bhur ndearbh-
rathair bhus óige libh a nsúas, ní fhaic-
fidhe mo ghnúis níos mó.
24 Agus tárla a nuáir do chúa-
mairne súas a gcionn ar nathar, do
sheirbhíseach, gur inniseamar bríathra
mo thighearna dhó.
25 Agus a dubhairt ar nathair,
éirgidh a rís, agus ceannchuigh dhuinn
beagán lóinn.
26 Agus a dubhramairne, ní fhéad-
maoidne dul síos: má thig ar ndear-
bhrathair is óige linn, ann sin rachum
síos; oír ní fheadmaoid aghuidh a nóg-
laoich dfaicsin, muna raibh ar ndearbh-
rathair is óige linn.
27 Agus a dubhairt do sherbhíseach,
máthair, rinn: atá a fhios aguibh go
rug mo bhean días mac dhamh.
28 Agus do chuáidh duine aca amach
uáim, agus a dubhairt mé, is deimhin
go ndéarnadh greamanna dhe; agus ní
fhaca mé ó sin é.
29 Agus má bhearthaói so uáim, agus
go nimeochuidh tubaisde air, do bear-
thaói mo ghrúag líath maille ré doil-
ghios síos chum na huáighe.
30 A nois uime sin a nuáir thioc-
fas misi mar a bhfuil do sherbhíseach ma-
thair, agus nach bía an leanamh linn, ó
atá a anamsan ceangailte a nanam an
leinimh:
31 Tiocfaidh as sin a nuáir do
chífe sé nach biaidh an leanamh linn,
go bhfuighe sé bás: agus do bhéuridh
do sherbhísigh grúag líath ar nathar
maille ré doilghios síos chum na
huaighe.
32 Oír do chuaidh dó sherbhíseach
a nurrudhas air an leanamh dom athair,
ag rádh, muna ttugadh mé chugad é,
biáidh aithbhear go bráth ag mathair
orumsa.
33 Annois ar an adhbhar sin guidhim
thú, connuimh do sherbhíseach a náit
an léinimh na sclábhuidhe ag mo thi-
ghearna, agus léigthear don leanamh
dul súas lé na dhearbhráithribh.

34 Oir cionnus rachus misi súas go
nuige máthair, & gan an leanamh liom?
deagla go tteigeómhadh go bhfaicfinn
an dochar do thiocfadh ar máthair.

CAIB. XLV.

Nochd Jóseph é féin da dhearbhraithribh.
5 Tug combfhurtachd dhoibh. 9 & chuir
fios ar a athar.

ANn sin níor fhéad Joseph é féin do
chongmháil a lathair ar fheas na
fhochair: agus do éigh sé ag rádh,
cuiridh gach éanduine amach uáim, agus
níor fhan éanduine na fochair, an feadh
do bhi Jóseph ag léigean a aithne chum
a dhearbhraithreach.
2 Agus do ghuil sé ós áird, agus do
chúaladur na Hégiptigh, agus tigh Phá-
rao é.
3 Agus a dubhairt Joseph ré na
dhearbhráithribh; as misi Joseph, an
bhfuil máthair beó fós? agus níor
fhéadadur a dhearbhráithre freagra do
thabhairt air, óir do bhí buáidhreadh
orra tré bheith na lathair.
4 Agus a dubhairt Jóseph re na
dhearbhráithribh, druidigh riom, iar-
ruim mar athchuinghidh oruibh; & do
dhruideadar leis, agus a dubhairt seision,
is misi Jóseph bhur ndearbhrathair, noch
do reacabhair do Négipt.
5 Annois uime sin ná bíodh doil-
ghios oruibh nó fearg aguibh ribh féin
fa misi do reic annso: óir isé Día do
chuir misi romhuibh do chumhdach
[bhur] mbeatha.
6 Oír as dá bhliadhuin atá an
ghorta sa tír, agus atáid fós cúig
bhliadhna gan teachd, ann nach bía
treabhadh na foghmhar.
7 Agus do chuir Día misi romhuibhsi
do choimheud sleachda dhíbh san ta-
lamh, agus do choimhéud bhur mbeatha
re tárrtháil mhóir.
8 Mar sin annois nach sibhsi do chuir
uaibh mé, ách Día, agus do rinne sé a-
thair dhiomsa do Phárao, agus tighearna
ós cionn a thighe uile, agus úachdaran
ar feadh chriche na Hégipte uile.
9 Déanuidhsi deithneas, agus éirghidh
súas chum máthar, agus abruidh ris;
is mar so a deir do mhac Jóseph; do
rinne Día tighearna dhiomsa ós cionn
na Hégipte uile, tárr a núas chugamsa,
na déana maill,
10 Agus áitreochuidh tú a bhfea-
rann Gosen, agus biáidh tú láimh riom-
sa, thú féin agus do chlann, agus clann
do chloinne, agus do thréada agus heal-
bhadha, agus gach uile ní bhus leachd.
11 Agus oilfe mé thú ann sin (oír
atá fós chúig bhliadhna gorta ann)
deagla go ttiucfá féin agus do mhuinn-
tir agus a nuile ní bheanas riot chum
bochduine.
12 Agus féachuidh do chíd bhur sú[ile]
agus súile mo dhearbhrathar Ben[ja-]
mín, gurob é mo bhéul atá ág lab[h-]
airt ribh.
13 Agus inneoslaói dom ath[air]
méid mo ghlóire sa Négipt, ag[us]
gach éinni dá bhfacabhair: ag[us]
deanuidh deithbhir, agus tugaidh m[o a-]
thair a núas annso.
14 Agus do luidh sé ar mhuin[éul]
a dhearbhráthar Benjamin, agus d[o]
ghuil sé, agus do ghuil Benjamin [ar]
a mhuinéul san.
15 Os á chionn sin fós do phóg [sé]
a dhearbhráithre uile, agus do ghuil o[r-]
ra: agus na dhiáigh sin do chomhráidh[ea-]
dar a dhearbhráithre ris.
16 Agus do chlos a thúarusch[áil]
sin a ttigh Phárao, ag radh, tan[ga-]
dar dearbhráithre Jóseph: agus [do]
thaitin sin go mór ré Phárao, agus [re]
na sheirbhíseachuibh.
17 Agus a dubhairt Phárao [re]
Joseph, abuir réd dhearbhráithri[bh]
déanuidh so: úaluighe bhur nainm[h-]
intighe, agus imthighidh súas go t[ír]
Chanaain.
18 Agus tuguidh libh bhur nathai[r]
agus bhur muinntir, agus tigidh chuga[m-]
sa: agus do bhéura mé dhíbh maithe[as]
chriche na Hégipte, agus do gheabhtha[oi]
ré ithé do méathas na tíre.
19 Annois fuáir tu fúagra, déanui[dh]
mar so: beiridh libh carbuid as cr[ich]
na Hégipte ar ceann bhur náos [óig]
agus ar ceann bhur mban, agus tugai[dh]
bhur nathair libh, agus tigidh;
20 Mar an gceadna ná cuiridh suim [a]
bhur náirnéis tighe, oir maitheas chrich[e]
na Hégipte uile is libhsi é.
21 Agus do rinneadur clann Isra[el]
mar sin, agus tug Jóseph carb[uid]
dhóibh do réir aithne Phárao, ag[us]
tug lónn dóibh chum na sli[gh-]
eadh.
22 Dá gach áon aca fa leith tug [sé]
aithearrach culadh: ach do Bheniam[in]
tug sé trí chéad píosa airgid, ag[us]
cúig culuidheacha éaduigh.
23 Agus do chuir sé chum a ath[ar]
ar an modh so; deich nasail ag iom[ch-]
chur neitheann maith na Hégipte, ag[us]
deich nasail bhainniona ag iomch[ur]
arbha, agus aráin agus bídh dá atha[ir]
chum na slígheadh.
24 Mar sin do chuir sé a dhearbh[h-]
ráithre ar siubhal, agus do imthighea[-]
dur agus a dubhairt sé ríu, coimhé[a-]
duigh nach brisfe sibh amach ré che[i-]
ar a tslighe.
25 Agus do chúadur súas as a Négip[t]
agus tangadur go tír Chanaain go Jaco[b]
a nathair.
26 Agus do innisíeadur dhó ag rádh[,]
atá Joseph beó fós, agus isé is uachdarán
ós cionn chriche na Hégipte uile[.]
Agus do lagadh croidhe Jácob: óir níor
chreid sé iad.

27 Ag

27 Agus do inniſeadur dhó briathra
Jóſeph uile noch do labhair ſé ríu: agus
a nuáir do chonnairc ſé na carbuid do
chuir Jóſeph dá iomchar, do aithbheó-
ghuidh ſpiorad Jácob a nathar.
28 Agus a dubhairt Iſrael; is
lór ſin, atá mo mhac Joſeph beó fós;
rachuidh mé, agus do chiſe mé é ſuil
éugfad.

CAIB. XLVI.

Tainic Jacob do nEgipt, & a ſhliocht. 28 *choinnigh Joſeph é.* 33 *& chombairligh a bhraithre.*

AGus do ghluáis Iſrael maille ris a
nuile ní dá raibh aige, agus
táinic go Beerſéba, agus do rinne iodh-
buirt do Dhía a athar Iſaac.
2 Agus do labhair Día re Hiſrael
a ttaibhſe na hoidhche, agus do ráidh,
a Jácob, a Jacob: agus a dubhairt ſei-
ſion, atáim annſo.
3 Agus a dubhairt ſé, as miſi Dia,
Día hathar: ná bíodh eagla ort dul
ſíos do Négipt: óir do dheana miſi ann
ſin díot cineadh mór.
4 Racha mé leachd ſíos do Négipt,
agus do bhéura mé go deimhin mar an
céadna a nſíos a rís thú: agus cuirfidh
Jóſeph a lámh ar do ſhúilibh.
5 Agus do éirigh Jacob ſúas ó
Bheérſéba, agus do iomchradar mic
Iſrael a nathair Jacob, agus a náos óg,
agus a mná, ann ſna carbuduibh chuir
Phárao dhá iomchur.
6 Agus rugadur leó a nairnéis, agus
a maitheas, noch fuaradur a ttír Chá-
naain, agus tangadur do Négipt Jacob
agus a ſhliochd uile leis.
7 A mhic, agus mic a mhac maille
ris, agus a ingheana, agus ingheana a
mhac, agus a ſhliochd uile tug ſé leis
do Négipt iad.
8 Agus a ſíad ſo anmanna chloinne
Iſrael noch do tháinic do Négipt, Ja-
cob agus a mhic: Reuben céadghin Ja-
cob.
9 Agus mic Reuben, Hanoch, a-
gus Phallu, agus Heſron, agus
Carmi.
10 Agus mic Shimeon, Jemuel,
agus Jamin, agus Ohad, agus Jachim,
agus Sohar, agus Saul mac mná Ca-
nánitigh.
11 Agus mic Lébhi, Gerſon, agus
Cohat, agus Merári.
12 Agus mic Júdah, Er, agus
Onan, agus Sélah, agus Phares,
agus Zárah: ach fuair Er, agus O-
nan bás a ttír Chanaain, agus mic
Pháres dob íad Heſron, agus Há-
mul.
13 Agus mic Iſachar, Tóla,
agus Phúbah, agus Jób, agus Sim-
ron.
14 Agus mic Sebulun, Séren, agus
Elon, agus Jahleel.
15 Agus dob íad ſo mic Leah,
noch rug ſí do Jácob a Bpadan-Aram
maille re na hinghin Dínah: anmann
a mhac, agus a inghean uile bá tríur
ar thriochad íad.
16 Agus mic Ghad, Siphion, agus
Hadgai, Súni, agus Eſbon, Eri, agus
Aródi, agus Aréli.
17 Agus mic Aſer, Jimnah, a-
gus Iſuah, agus Iſui, agus Bériah,
agus Sérah a ndeirbhſhiur: a-
gus mic Bhériah, Héber, agus Mal-
chiel.
18 A ſíad ſo mic Silpah noch
tug Lában da inghin Léah, agus rug
ſí íad ſo do Jácob, eadhon ſé hanmanna
déug.
19 Mic Rachel, bean Jácob, Joſeph,
agus Benjamin.
20 Agus do rugadh a gcrích na Hé-
gipte do Joſeph, Manaſſeh, agus Ephraim,
noch rug Aſenat inghean Photipherah
ſagart On dó.
21 Agus mic Bheniamin, Bé-
lah, agus Bécher, agus Asbel,
Géra, agus Náaman, Ehi, agus
Ros, Muppim, agus Huppim, agus
Ard.
22 Aſíad ſo mic Ráchel, noch
rugadh do Jácob, na hanmanna uile bá
a ceathair déug íad.
23 Agus mic Dan, Huſſim.
24 Agus mic Naphtali, Jaſehel,
agus Guni, agus Jéſer, agus Sil-
lem.
25 Aſiadſo mic Bhilhah, noch tug
Lában dá inghin Rachel, agus rug ſí
íad ſo do Jacob, na hanmanna uile bá
móirſheiſior íad.
26 Na hanmanna uile noch tháinic
lé Jacob do Négipt, noch tháinic a-
mach as a fhordhronnuibh, táobh amuigh
do mhnáibh mhac Jacob, bá trí fichid
íad agus a ſé.
27 Agus mic Jóſeph rugadh dhó
ſa Négipt, bá dhá anum íad: a nuile
anum do thigh Jácob, noch tháinic do
Négipt, ba trí fichid, agus a deich
íad.
28 Agus do chuir ſé Judah roimhe
go Joſeph, do ſheóludh a aighthe go
díreach go Goſen, agus tangadur go
tír Ghoſen.
29 Agus do rinne Jóſeph a char-
bad réigh, agus do chuaidh ſúas do
theagmháil ar Iſrael a athair go Goſen,
agus do thaisbéin é féin dó, agus do
luigh ar a mhuinéul, agus do ghuil ar a
mhuinéul tamall maith.
30 Agus a dubhairt Iſrael ré Jó-
ſeph, annois faghaim bás ó chon-
nuirc mé do ghnúis, do chionn go
bhfuil tú beó fós.
31 Agus a dubhairt Jóſeph ré na
dhearbhráithribh, agus ré tigh a athar,
racha miſi ſúas, agus foillſeochad
do

do Pharao, agus a déara mé ris ;
tangadur mo dhearbhráithre agus tigh
mathar noch do bhí a ttír Chanaain,
chugamsa :
32 Agus is aodhaireadha cáorach
iad, óir isé bá ceird doibh áirneis do
bheathughadh, agus tugadur a ttréada
agus a sealbha leó, agus a nuile ni dá
bhfuil aca.
33 Agus teigeómhuigh a nuáir ghoir-
feas Phárao sibhsi, agus a déara sé cred
as ceird dhaóibh ?
34 Abruidhsi do bí ceird do sher-
bhiseach bheith timchioll áirnési ó ar
nói ge go ttí a nois, sinn séin aráon
agus ar naithre, ionnus go náitreo-
chthaoi a bhseárann Gosen : óir is grái-
neamhlachd a nuile thréaduighe cáorach
ag na Hégiptibh,

CAIB. XLVII.

Tug Joseph a bhraithre. 7 & a athair a lathair Pharao. 11 Tug ionad dhóibh. 13 Fuair an Egipt do nRi. 22 taobhamuigh do fhearonn na nSagart.

ANn sin táinic Joseph, agus do
innis do Pharao, & a dubhairt, tán-
gadur máthair agus mo dhearbhrai-
thre, agus a tréada, agus a neal-
bhadha, agus a bhfuil aca as tír
Chánaain, agus féuch atáid siád a
bhfearann Gosen.
2 Agus rug leis cuid dá dhearbh-
raithribh eadhon cúigior dhíobh, agus
do thaisbein do Phárao iad.
3 Agus a dubhairt Phárao ré na
dhearbhráithribh, créad as ceird dha-
oibh ? agus a dubhradursan ré Phárao,
áodhairighe cáorach do sherbhisigh, sinn
féin aráon agus ar naithre mar an
gcéadna.
4 A dubhradursan fós re Phárao,
is do chomhnuidhe san bhfearann
do thangamar ; óir ní bhfuil féur ag
ad sherbhiseachuibh dhá náirnéis, óir
atá an ghorta go trom a ttír Chá-
naain ; a nois dá bhrigh sin iarrmaoid
dathchuinge ort, tabhair áitreabh dot
sherbhiseachuibh abhfearann Gosen.
5 Agus do labhair Phárao ré Jóseph
ag rádh, tangadur hathair agus do
dhearbhráithre chugad.
6 Atá críoch na Hégipte as do
choinne ; ann sa chuid is fearr don tír
cuir hathair agus do dhearbhraithre na
gcomhnuighe, áitreabhaidis a bhfearann
Gosen : agus más aithne dhuit aonduine
cumusach na measg, ann sin deana
uachdarán díobh ós cionn máirnéisi.
7 Agus tug Joseph Jacob a a-
thair a steach, agus do shuighidh é
as choinne Phárao, agus do bheannuigh
Jacob Phárao.
8 Agus a dubhairt Phárao ré Jácob,
cá haóis tú ?
9 Agus a dubhairt Jacob ré Phá-
rao, bliadhna laéthe moilithre
céad agus tríochad bliadhan
fá tearc agus fá holc láethe bliadh
mo bheatha, agus ní rainic mé láet
bliadhna bheatha maithreach, a laeth
a noilithresion.
10 Agus do bheannuigh Jacob Phar
agus do chuaidh sé amach as fia
nuise Phárao.
11 Agus do áitigh Joseph a
thair agus a dhearbhráithré,
tug sealbh dhóibh a ccrích na
gipte, san chuid do bhféarr don
thaigh, a bfearann Rameses, mar
aithin Phárao dhe.
12 Agus do oil Joseph a athair
gus a dhearbhráithre, agus muin
thighe a athar uile lé harán do
a muinntir.
13 Agus ní raibh arán ar bith
tír uile, óir do bhí an ghorta ro th
ionnus gur hanbhfainneadh críoch
Hégipte, agus tír Chánaain uile
bhrigh na gorta.
14 Agus do chruinnigh Joseph
nuile airgead frith a ccrích na Hég
agus a ttír Chánaain ar son a na
do cheannchadur, agus tug Joseph
tairgead a steach go tigh Phárao.
15 Agus an tan do thraoth
tairgead a ccrích na Hégipte, agu
ttír Chánaain, tangadur na Hégip
uile chum Jóseph, agus a dubhra
tabhair dhuinn arán ; óir cread
bhfuighemis bás ad fhiaghnuisi? óir
imthigh an tairgead uainn.
16 Agus a dubhairt Joseph riu,
gaidh bhur náirnéis uáibh, agus
bhéura misi beatha dhíbh ar son b
náirnéisi, má dfaillidh an tairgead or
17 Agus tugadur a náirnéis
Jóseph, agus tug Joseph arán do
ar a neachuibh, agus ar a ttréadu
agus ar áirnéis a náilbhann, agus
nasaluibh, agus do bheathaidh sé
le harán ar son a náirnéisi uile ar fe
na bliadhna sin.
18 A nuair do críochnuigheadh
bhliadhuin sin, tangadur chuige an d
bliadhuin, agus a dubhradur ris,
cheilfiom ar mo thighearna gur caithe
ar gcuid airgid, fuáir ar ttighea
mar ar gceadna ar ttréada áirné
níor fágbhadh éinni aguinn a lat
ar ttighearna achd ar gcuirp
ar bhféarann.
19 Uime sin cread fá bhfuighe
bás a bhfiaghnuisi do shúl, sinn féin ar
agus ar bhfearann ? ceannuigh sinn
agus ar bhfearann ar arán, agus b
féin agus ar bhfearann ar serbhiseach
ag Phárao : agus tabhair siol dú
ar chor go maiream, agus nach bhfu
eam bás, agus nach bia an fearann
fhásach.
20 Agus do cheannuigh Joseph fear
na Hégipte uile do Pharao, óir
reacadar no Hégiptigh gach éand

[f]hiobh a fhearann, do chionn go rug an
[g]horta buaidh orra: mar sin tháinic an
[f]earann chum Pharao.
21 Agus ar son na ndáoine, do á-
[t]ruigh sé iad do na caithreachuibh ó
[c]heann bhruaich na Hégipte, go nuige
[a]n ceann eile dhi.
22 Amháin fearann na sagart níor
[c]heannuigh sé é, óir do fuaradar na sag-
[a]irt comhroinn ó Pharao, agus a dúa-
[ra]dur a ccomhroinn noch tug Pharaó dhó-
[i]bh; uime sin níor reacadur a bhfearann.
23 Ann sin a dubhairt Jóseph ris an
[b]pobal, féuchuigh do cheannuigh mé a
[n]iugh sibh féin agus bhur bhfearann do
Pharao; féuchuidh ag sin síol aguibh,
[a]gus cuirfidhe an fearann.
24 Agus tiucfaidh a ccrích ann sa
[f]bhiseach, go ttiubharthaoi an cúigeadh
[c]uid do Pharao, agus biaidh cheithre
[c]huid aguibh féin, chum síl a nfearainn,
[a]gus chum bhur mbeatha, agus do mhui-
[n]tir bhur ttighe, agus mar bheatha dá
[bh]ur leanbuibh?
25 Agus a dubhradarsan, do shábháil
[t]ú ar mbeatha: faghmaoid grása a ra-
[d]harc mo thighearna, agus biamáoid ar
[s]erbhiseachaibh ag Pharao.
26 Agus do rinne Jóseph sin na dhli-
[g]headh ar feadh chriche na Hégipte gus
[a]niugh, go bhfuighe Pharao an cúig-
[e]adh cuid, achd amháin fearann na sa-
[g]art, noch nach ráinic chum Pharao.
27 Agus do bhí Israel na chomhnuighe
[a] gcrích na Hégipte a bhfearann Gosen,
[a]gus do bhádur sealbha duthaigh aca
[a]nn sin, agus do fhásadur, agus do
[i]onadur go hiomadamhuil.
28 Agus do mhair Jácob a gcrích na
Hégipte seachd mbliadhna deug: mar
[s]in gur bhí áois iomlán Jácob, céad a-
[g]us dá fhichead agus seachd mbliadhna.
29 Agus do dhruid aimsir bháis Is-
[r]ael a ngar, agus do ghoir sé a mhac
Jóseph, agus a dubhairt sé rís: má fuair
mé anois grása ad radharc; iarruim
[m]ar athchuinghe ort, cuir do lámh
[f]oim ladhairg, agus déana do cinealta
[f]írinneach riom; iarruim dathchuinghe
[o]rt, ná hadhlaic mé sa Négipt.
30 Ach luidhfidh me a bhfochair mo
[a]ithreach, agus béura tusa leachd mé as
[a] Négipt, agus adhluic mé a náit a
[n]adhlaicthesion; agus a dubhairt seision,
[d]o dhéana mé mar a dubhairt tú.
31 Agus a dubhairt seision, tabhair
[d]o mhionna dhamh; agus tug sé a mhi-
[o]nna dhó: agus do chlaon Israel é féin
[a]r cheannadhairt na leaptha.

CAIB. XLVIII.

[G]habh tinneas Jácob. 5. Rinn Uchdoblainne do dhías mbac Jóseph. 9. & bheannuigh iad.

AGus tárla a ndiaigh na neitheannso,
gur innis duine do Jóseph, féuch
atá hathair tinn; agus rug sé leis
a dhías mac, Manasseh agus Ephra-
im,
2 Agus do innis duine do Jácob,
agus a dubhairt, féuch, atá do mhac
Jóseph ag teachd chugad: agus do near-
thuigh Israel é féin, agus do shuigh ar
a leabuidh.
3 Agus a dubhairt Jácob ré Jóseph,
do fhoillsigh Dia uile chumhachdach é
féin damh a Lus a ttír Chánaain, agus
do bheannuigh sé mé.
4 Agus a dubhairt sé rium, féuch do
dhéana mé toirtheach thú, agus mei-
deóchuidh mé thú, agus do dhéana mé
dhiot iomad dáoine, agus do bhéura mé
an duthaidhsi dod shíol ad dhiaigh mar
sheilbh shíorruidhe,
5 Agus a nois do dhías mac, E-
phraim agus Manasseh do rugadh
dhuit a gcrích na Hégipte suil tháinig
misi chugad do Négipt, is liomsa iad,
mar Reuben agus Simeon is sa liomsa
iad.
6 Agus do chlann noch béurthar dhuit
na ndiaigh budh leachd féin iad sin;
agus goirfighear iad do réir anma a
ndearbhráithreach ann a noighreachd.
7 Agus ar mo shonsa, a nuair thái-
nig mé ó Phádan, fuair Rachel bás a-
gum a ttír Chánaain ann sa tslighe, a
núair nach raibh ach beagán slighe adh
re teachd go Hépharat; agus do adh-
luic mé ann sin í, ar slighe Ephrath,
agus sé sin féin Betelem.
8 Agus do chonnairc Israel mic Jó-
seph, agus a dubhairt, cia hiad so?
9 Agus a dubhairt Jóseph ré na a-
thair, mo mhicse iadsó, noch tug Dia
dhamh annsa náitsi: agus a dubhairt
seision, tabhair chugam iad, iarruim ort,
agus beinneochuidh mé iad.
10 (Annois do bhádur súile Israel
trom ó áois, ionnus nach raibh radharc
aige) agus tug sé a ngar dhó iad a-
gus do phóg sé iad, agus do theann
ris iad.
11 Agus a dubhairt Israel ré Jóseph:
níor shaoil misi go bhfaicfinn do ghnúis
go bráth, agus féuch tug Dia dhamh
radharc fós air do shíol.
12 Agus tug Jóseph amach ó idir a
dhá ghlún iad, agus do chlaon é féin
gon a ághuidh chum na talmhan.
13 Agus do ghlac Jóseph iad aráon
Ephraim an a láimh dheis leath ré
láimh chlí Israel, agus Manasseh ann a
láimh chlé leath re láimh dheis Israel,
agus tug sé a bhfogus dó iad.
14 Agus do shín Israel a lámh dheas
amach, agus do chuir ar cheann E-
phraim í, eadhon an mac budh óige, a-
gus a lámh chlé ar cheann Mhanasseh, ag
treorughadh a lámh go géurchuiseach; óir
dob é Manasseh do rugadh ar ttús.
15 Agus do bheannuigh sé Jóseph, agus
a dubhairt; Dia os cuinne ar shiobh-
ail mo aithreacha Abraham agus Is-

aac, an Día do bheathuigh mé ar feádh
mo shaoghuil gus a niugh,
16 An taingiol do fhuasguil mé ó
uile olc, go mbeannuighe sé na leinimh,
agus goirthear mainmsi orra, agus ainm
maithreach Abraham agus Isaac: agus
fásaidís na niomadamhlachd a meadhon
na talmhan.
17 Agus a nuáir do chonnairc Jó-
seph gur chuir á athair a lámh dheas ar
cheann Ephraim, do ghoill sé air: a-
gus do chonnuimh súas lámh a athar
da háthrughadh ó chionn Ephraim ar
chionn Mhanasseh.
18 Agus a dubhairt Jóseph ré na
athair, ní mar sin a athair, óir isé so
an mac as sine, cuir do lámh dheas
ar a cheann.
19 Agus do dhiult a athair, agus a
dubhairt, atá a fhios agam a mhic,
atá a fhios agam, biáidh seision mar
án gcéadna na phobal, agus biaidh sé
fós mór, ach go deimhin budh mó a
dhearbhráthair is óige ná é, agus fás-
fuidh a shíol na niomad cineadhach.
20 Agus do bheannuigh sé íad an lá
sin, ag rádh; ionnadsa bheinneochus
Israel, ag rádh, go ndéarna Día thusa
mar Ephraim, agus mar Mhanasseh:
agus do chuir sé Ephraim roimhe
Mhanasseh.
21 Agus a dubhairt Israel ré Jó-
seph, féuch atáimsi ag faghail bhais,
ach biáidh Dia maille ribhsi, agus do
bhéura sé a ris sibh go dúthuigh bhur
naithreach.
22 Tuilleadh eile, tug me dhuitsi
cuid ronna os cionn do dhearbhráith-
reach, noch do bhean mé amach as
láimh a Namoritgih leam chloidheamh,
agus leam bhogha.

CAIB. XLIX.

Tiomna agus Faigheadóireachd Jácob. 19. Ordúghadh attimcheal a adhluice.

AGus do ghoir Jacob ar a mhac-
aibh, agus a dubhairt sé, cruinni-
ghidh sibh féin a bhfochair a chéile,
nó go ninneosa mé dhaoibh cread theig-
eamhus daóibh sna laethibh deighionacha.
2 Cruinnighidh sibh féin a bhfochair
a cheile, agus éisdigh a mhaca Jácob, a-
gus tugaidh aire do Israel bhur na-
thair,
3 A Reuben is tú mo chéidghin,
mo chumas agus tosach mo neirt, oir-
dhearcus dignite, agus oirdhearcus
chumhachda.
4 Neamhfhosuigh mar uisge, ni ra-
chuidh tú a ccumhachda, do bhrigh go
ndeacha tú súas a leabuidh hathar:
ann sin do shaluigh tú í, do chuáidh
sé súas am chúil.
5 Simeon agus Lébhi dearbhraithre
íad, ionstruimentigh fuilteachda an
náitreabhuigh.
6 O manum, ná tárrsa na secr
O monóir na bí a naontuigh
na gcruinniughadh; óir do mharb
dur duine ann a bhfeirg, agus an
nantoil féin do thochladur síos
la.
7 Go madh malluighe a bhfearg,
do bhí sí nimhneach; agus a nd
feirg, óir dó bhí sí fuilteach: roinn
me íad an Jácob, agus scaóilfead
chéile íad an Israel.
8 A Júdah, as tusa an té noch mh
fuid do dhearbhraithre; biaidh do l
a muinéul do námhad; cláon
clann hathar síos ad lathair.
9 Is coilén leomhain Júdah; ón chre
do chúaidh tú súas, a mhic: do ch
sé síos, do luigh sé mar leomhan,
mar sheanleómhan; agus cía d
seochus súas é?
10 Ní dheileochuidh an tslat Rí
ré Judah, nó fear tabhartha an dl
ó bheith eidir a chosuibh, nó go tt
Síloh, agus is chuigesion bhías
nniughadh na ndaoine.
11 Ag ceangal a shearruigh
nfineamhuin, agus bromaigh a a
don rogha fíneamhna; do nigh
éudach a bhfíon, agus á chuluidhea
a bhfuil grápuighe.
12 Béid a shuile dearg ó fhion,
a fhiacla geal ó bhainne.
13 Aitreochuidh Sebulun á gcúan
fairge; agus biáidh sé na chúan l
agus biaidh a imiol go nuige Sidon.
14 Isachar is assal láidir é, ag
madh síos idír dhá úalach.
15 Agus do chonnairc sé gur mh
an ní suáimhneas, agus an dúthaigh
taitneamhach é; agus do chláon a g
ala diomchur úaluigh, agus táinig
sherbhiseach do airdchíos.
16 Do dhéana Dan breitheamhn
a dhaoinibh, mar aon do threabh
Israel.
17 Biaidh Dan na nathair nimhe
a tslighe, na ader ar an mbeal
noch ghearras sála na neach, io
go ttuitfidh an marcach a ndia
chúil.
18 Do bhi mé ag fuireach
fhlánughadh a thighearna.
19 Gad, cláoifidh slúagh é,
béuruidh sesion buáidh fá dheireadh.
20 Amach ás Aser biáidh a arán
mhar, agus do bhéara uadh sógh R
gha.
21 Naphtali, is eilid ar na s
leadh amach é, do bheir bríathra m
úadh.
22 Jóseph, is cráobh thoruidh
cráobh thoruidh dhá riribh láimh ré
bar; noch a leathnuigh onn a gh
amach tar an mballa.
23 Do ghoilleadur na saighdeó
áir go géur, agus do chaitheadur é,
do fhuathuigheadar é.

24 Ach do mhair a bhógha láidir, a-
is do rinneadh rightheach a lámh lái-
ir le lámhuibh Dé chumhachduigh Já-
ob; Is as sin an táodhaire, cloch Is-
el.
25 Lé Dia hathar dá ríribh, noch
huidéochas leachd, agus leis a nuile-
umhachdach, noch beinneóchus tú le
eannughadh nimhé shuas, beannughadh
naigéin atá a níochdar shíos, beann-
ghadh na gcloch, agus na mbronn.
26 Rugadar beannachda hathar bu-
idh ós cionn beannachd mo shinnsiorsa
o nuige an teórann as faide amach do
a cnocuibh síorruidhe; béid siad ar
heann Joseph, agus ar choróin chinn an
í do dealuigheadh re na dhearbhrái-
hribh.
27 Biáidh Benjamin fuaduigheach mar
mhadra alla; ar maidin sluicfidh sé a
fhiadhach, agus ann sa noidhche rann-
uidh sé an chreach.
28 Asiad so uile dhá threabh dhéag
Israel; agus a sé so an ní do labhair a
athair ríu, agus do bheannuigh iad;
ach áon fa leith do réir a bheannachda
o bheannuigh iad.
29 Agus do chuir cúram orra, agus
dubhairt ríu, atáimsi a nam mo
hruinnighthe chum mo dhaoíne féin,
adhlaicidh mé a bhfochair maithreach,
ann sa nuamhuigh atá a magh Ephron
an Hititeach.
30 Ann sa nuamhuigh atá a magh
Mhachpelah, noch atá as coinne Mham-
re, a ttír Chánaain, noch do cheannuigh
Abraham maille re magh Ephron an
Hitíteach mar sheilbh áite adhluicthe.
31 Ann sin do adhluiceadar Abraham,
agus Sárah a bhean; Is ann sin do adh-
luiceadar Isaac, agus Rebecah a bhean,
agus is ann do adhluic misi léah.
32 Ceannuigheachd an mhachaire a-
gus na huamha atá ann, is ó chloinn
Héth do fríth é.
33 Agus a nuáir do chríochnuigh Jácob
aitheanta do thabhairt dá chloinn, do
chruinnigh súas a chosa san leabuigh, a-
gus do fháeidh a spiorad súas, agus do
chruinniughadh chum a dhaoine féin é.

CAIB. L.

Adhlacadh Jacob. 15. tug Joseph Solás dá bhráithribh uirislighthe. 25. a jartas ma chnámhaibh. 26. & a bhás.

AGus do luigh Jóseph ar aghuidh a
athar, agus do ghuil air, agus do
phóg é.
2 Agus do áithin Joseph Dá shear-
bhfoghantuibh na leagha, a athar do
bhalmughadh: agus do bhalmnuigh-
eadur na leagha Israel.
3 Agus do coimhlíonadh ceathrachad
lá dhó: (óir is mar sin coimhliontar
laethe na druinge do níthear a bhalmnu-
ghadh) agus do rinneadur na Hégiptigh
doilghios ar a shoin, trí fichid agus
deich lá.
4 Agus a nuáir do chúadar laethe a
ndóbroin thárrsa, do labhair Jóseph ré
tigh Phárao, ag rádh, a nois má fuair
mé grása ann bhur radharc, guidhim
sibh, labhruidh a gclúasuibh Phárao
ag rádh.
5 Do bhean máthair mionna dhíom
ag rádh, féuch atáim ag fagh//áil bháis:
ann uáighe do thochuil mé dhamh féin
a ttír Chánaain, ann sin adhlócus tú
mé: Annois íarruim dathchuinge ort
léig dhamh dul súas, agus máthair
dadhlacadh, agus tiocfa mé a
rís.
6 Agus a dubhairt Phárao, imthigh
súas, agus adhluic hathair mar do
thug mionna ort.
7 Agus do chuaidh Jóseph súas dadh-
lacadh a athar, agus do chuadar ser-
bhísigh Pharao uile suas leis, seanóirigh
a thighe, agus seanóirigh chríche na
Hegipte uile.
8 Agus tigh Jóseph uile, agus a
dhearbhraithre, agus tigh a athar:
achd amháin a miondaoíne, agus a
ttréada, agus a nealbhadha do fhágbha-
dur a bhfearann Gosen.
9 Agus do chuáidh suas leis, carbuid
fós agus marcshlúagh, agus ba romhór
an chuideachda íad.
10 Agus tangadur gó hurlár bhu-
áilte Atad, noch atá taobh thall do
Jórdan agus ann sin do rinneadur cumha
maille ré caóineadh adhbhalmhor: a-
gus do rínne dóbrón ann sin ar son
a athar seachd lá.
11 Agus a nuáir do choncadur ái-
treabhuigh na háite, na Cananitigh,
an chumha a nurlár Atad, dubhradur,
is doilghiosach an chumhaso ar na Hé-
giptibh; uime sin do ghoireadh Abel
Misraim dainm dhe, noch atá taobh
thall do Jordan.
12 Agus do rinneadur a chlann
mhac ris mar do aithin sé dhíobh.
13 Oir do rugadur a chlann leó é
go tír Chánaain, agus do adhláicea-
dar é a nuamhaigh mhaighe Mhac-
pelah, noch do cheannuigh Abraham,
maille ris an machaire mar sheilbh
chum áite adhluicthe, ó Ephron an Hi-
titeach as coinne Mhamre.
14 Agus do fhill Joseph do Né-
gipt é féin agus a dhearbhraithre, agus
a ndeachuidh leis súas uile dadhlacadh
a athar.
15 Agus a nuáir do choncadur dear-
bhraithre Ioseph go bhfuáir a nathair
bas, a dúbhradur, do bféidir go mbi-
adh fúath ag Joseph dháinne, agus go
gcúiteochadh rinn gó deimhin a ndear-
namar dolc air.
16 Agus do chuireadur teachda a
gcionn Joseph, dhá rádh, do aithin ha-
thair roimh a bhás; dá rádh.
17 Marso a déarthaoí ré Joseph:

guidhim thú annois, maith cionta do
dhearbhráithreach agus a bpeacadh: óir
do rinneadur olc ort: agus a nois íar-
muid dathchuingé ort, maith cionta
fhérbiseach Dé hathar: Agus do ghuil
Joseph a nuáir do labhradur ris.
18 Agus do chuadur a dhearbhrai-
thre mar an gceadna, agus do luighea-
dur síos a bhfiagnuisi a aighthe, agus
a dubhradur, feuch is sinne do sher-
bhísigh.
19 Agus a dubhairt Joseph ríu, ná
biodh eagla oruibh: óir an bhfuilim-
si an áit Dé?
20 Achd ar bhur sonsa do smuainea-
mhair olc am aghaidhsi, [ach] do mhea-
dhuigh Día chum maitheasa é, dá tha-
bhairt a ccrích mar atá a niugh, do
chongmhail mórain daóine beó.
21 Annois uime sin ná biodh eag-
la oruibh, oilfidh misi sibh, agus bhur
náos óg; agus do chombfhurtaigh iad,
agus do labhair go cinealta ríu.

22 Agus do áitreibh Jóseph sa N-
gipt, é féin agus tigh a athar, agus
mhair Jóseph céad agus deich m
adhna.
23 Agus do chonnairc Jóseph cla
Ephraim don treas geinealach; cla
Machir mar an ccéadna mac Mhanase
do tógbhadh súas iad ar ghlúin
Jóseph.
24 Agus do ráidh Jóseph ré na dhea
bhraithribh, atáimsi ag éug: agus fó
Día oruibhsi go déimhin, agus béura
as an ttirsi sibh, gus an ttír do m
onnuigh sé do Abraham, do Isaac, ag
do Jácob.
25 Agus tug Jóseph mionna ar chlo
Israel, ag rádh, féachfuidh Día oru
go deimhin, agus beurthaói mo ch
mhasa súas as so.
26 Mar sin do éug Jóseph ar mbe
dhó céad agus deich mbliadhna dá
agus do bhalmuigheadúr é agus do c
readh a ccomhra sa Négipt é.

AN DARA LEABHAR DO MHAOISE

DA NGOIRTHEAR EXODUS.

CAIB. I.

Chlonn líonmhairieachd fhine Israel. 16. Do órduigh Pharao a cclann mhac do bhá-thúghadh.

A Nois ís íadso anmana
chloinne Israel, noch thái-
nic do Négipt; do tháinic
gach duine gon a mhuin-
tir lé Jácob.
2 Reuben, Simeon, Lé-
bhi, agus Júdah.
3 Ishachar, Sebulun, agus Benjamin.
4 Dan agus Napthali, Gad, agus Aser.
5 Agus anuile anam dá ttainic
6 fhordhronnuibh Jácob bá seachdmho-
dhad anam íad: oir do bhi Jóseph sa
Négipt cheana.
6 Agus fuáir Jóseph bás, agus a dhear-
bhráithre uile, agus an dine sin go
hiomlán.
7 Agus do bhádur clann Israel
toirrtheach, agus do fhásadur go
hiomarcach, agus do fásadur roneart-
mhur, agus do líonadh an talamh leo.
8 A nois do éirigh sinas Rígh núa
ós cionn na Hégipte, ag nach raibh
eolus ar Jóseph aige.
9 Agus a dubhairt sé re ná dhaói-
nibh: féuchuidh is mó agus is cumh-
achtaighe clann Israel ná sinne.

10 Tigidh uáibh, déanam ríu go c
onna, deagla go líonfaidís, agus go t
ucfadh chum criche, an tan theige
mhadh cogadh ann, go tteannfaidis m
an gcéadna lear naimhdibh, agus d
ttroidfidís ar naghuidh, agus go rach
faidís mar sin amach as a tír.
11 Uime sin do chuireadur luchd c
oirmheasda ós a ccionn, dá bpianadh l
na núaluighibh: agus do thógbhad
caithreacha do Phárao chum ion
mhuis, Pitom, agus Ramses.
12 Ach da mhéid do phíanadur ia
as móide do líonadur agus do fhá
dur é: agus do bhi doilghios orra t
chloinn Israel.
13 Agus tugadur na Hégiptigh a
chloinn Israel serbhís do dhéanamh l
dibhfeirg.
14 Agus do rinneadur a mbeatha
searbh lé daoirsi chruaidh a moirtéur, a-
gus a mbríce, agus ann a nuile thó
serbhíse ann annsa machhaire; a nuil
sherbhís ann a ttugadar orra foghnamh
do bhi si maille ré dibhfeirg.
15 Agus do labhair Rígh na Hégip
ré mnáibh tuismighe na Neabhruidhea
(bean aca dar bhainm Siphrah, ag
ainm an dara mná Puah.)
16 Agus a dubhairt sé, a nuáir d
bheithi ag deanamh oifige mná tuismi-
ghe do na mnáibh Eabhruidheach, agus d
chisi

Nchiſi iar ttuiſmeadh íad, más mac bhías
ann, marbhuidh é, ach mas inghean bhías
ann, biáidh ſí beó.
17 Ach do bhí eagla Dé ar na
mnáibh tuiſmighe, agus ní dhearnadur
mar a dubhairt Rí na Hégipte ríu, agus
do chumhduigheadur an clann mhac beó.
18 Agus do ghoir Rí na Hégipte ar
na mnáibh tuiſmighe, agus a dubhairt
ríu, cred fá ndearnabhair an níſi, agus
ar chumhduigheabhair an chlann mhac
beó.
19 Agus a dubhradur na mná tuiſ-
mighe le Phárao, do chionn nach bhfui-
lid na mná Eabhruidheacha mar na
mnáibh Eigipteacha; óir atáidſion beó-
dha, agus beirid ſiul thigid na mná
tuiſmighe a ſteach chuca.
20 Uime ſin do rinne Día go maith
ris na mnáibh tuiſmighe, agus do líona-
dur na daóine agus do fháſadur ro
láidir.
21 Agus tárla do chionn go raibh
eagla Dé ar na mnáibh tuiſmighe, go
ndearna ſé tighthe dhóibh.
22 Agus do fhúagair Phárao dá
mhuinntir uile, ag rádh, gach uile mhac
da mbéurthar teilgidh é ſa nabhuinn,
agus gach uile inghean cuimhdeoch-
thaoi beó í.

CAIB. II.

Oileamhain rioghda ag Maoiſi. 11 a ghaiſge. 15. a theicheadh. 21. & a phóſadh.

AGus do chuáidh duine as tigh
Lébhi agus do phós ſé inghean do
Lébhi.
2 Agus do toirrcheadh an bhean a-
gus rug ſí mac, agus a nuáir do chonn-
airc ſí go raibh ſé na náoidhin bhréa-
ghdha, do cheil ſí é ar feadh thrí mí-
oſa.
3 Agus a nuáir nár fhéad ſí a cheilt
ní budh faide, do rinne ſí comhra
luigbhinne, agus do chuir dóbáil lathuighe
agus pic uirre, agus do chuir an leanamh
innte; agus do chuir annſa tſoilliostar
ar bhrúach na habhann é.
4 Agus do ſheas a dheirbhſhiur a
bhfad úadh, dfios cread do dhéantaói
ris.
5 Agus táinig inghean Phárao a
nías dá nighe féin ag a nabhuinn, a-
gus do bhádur a cailinigh ag ſiubhal ar
bhrúach na habhann: agus a nuáir do
chonnairc ſiſi an chomhra a meaſg an
tſoilioſtair, do chuir ſí a cailín dá tha-
bhairt chuice.
6 Agus a nuáir do oſguil ſí í, do
chonnairc ſí an leanamh; agus féach
do ghuil an naóidhean; agus do bhí
trúaighe aice dhó, agus a dubhairt ſí,
is aón do chloinn na Neabhruidheach ſo.
7 Ann ſin a dubhairt a dheirbhſhiur
le hinghin Phárao: an racha miſi do
ghairm banaltrann do na mnáibh Ea-
bhruidheacha chugad, go noilfid an lea-
namh dhuit?
8 Agus a dubhairt inghean Phárao ria,
éirigh: agus do imthigh an cailín, agus
do ghoir ſí mathair an leinimh.
9 Agus a dubhairt inghean Phárao
ría; beir an leanamh ſo leachd, agus
oil damhſa é, agus do bhéura mé do
thúaruſdal duit: agus do ghlac an
bhean an leanamh, agus do oil ſí é.
10 Agus do fhás an leanamh, agus
tug ſí do inghin Phárao é, agus do bhí
na mhac aice; agus tug ſí Máoiſe
dainm air: agus a dubhairt ſí, do chionn
gur thairuing mé as a nuiſge é.
11 Agus tárla fá nam ſin a nuáir do
fhás Máoiſi go ndeachaidh ſé amach
mar a rabhadur a dhearbhráithre, agus
gur fhéuch ſé ar a núaluighibh: agus
do chonnuirc Egipteach ag búaladh
Eabhruidhigh, áon dá dhearbhráithribh.
12 Agus do fhéuch ſé annſo agus ann
ſúd, agus a nuáir do chonnairc nach
raibh aonduine ann, do mharbh ſé an
Tégipteach, agus do fholuigh ſé annſa
ghaineamh é.
13 Agus a nuáir do chuáidh ſé amach
an dara lá, féuch do bhádur días do na
Heabhruidhibh ag troid: agus a dubh-
airt ſeiſion ris an té do rinne a néa-
ccóir, Créad fá mbuaileann tú do chom-
panach!
14 Agus a dubhairt ſeiſion, cía rinne
prionnſa, agus breitheamh dhíotſa ós
ar ccionne? a né ſhaóilios tú miſi
mharbhadh, mar do mharbh tú an Té-
gipteach? agus do ghlac eagla Maoiſi,
agus a dubhairt ſé, is deimhin gur fríth
fios an ghníomhaſa.
15 A nnois a nuáir do chúaluidh Phá-
rao an níſi, do íarr ſé Máoiſi do mhar-
bhadh, ach do theith Máóiſi as radharc
Phárao, agus do chomhnuigh ſé a gcrích
Mhídian: agùs do ſhuigh ſé ſíos láimh
re tobar.
16 A nois do bhí ag ſagart Mhídian
móirſheſior inghean: agus tangadur
agus do thairngeadur uiſge, agus do
lionadar na humair do thabhairt uisge
do thréad a nathar,
17 Agus tangadur na háodhairighe,
agus do chuireadur ar ſiubhal iad; ach
do ſheas Maóiſi agus do chuididh leó,
agus tug uiſge dá ttréud.
18 Agus a nuáir tangadur mar a
raibh Rebhel a nathair a dubhairt ſé,
cionnus tangabháir comhlúath ſo a ni-
ugh?
19 Agus a dubhradarſan, do ſháor
Egiptach ſinn ó lámhuibh na naodh-
aireadh, agus fós do tharraing uiſge go
lór dhúinn, agus tug uiſge don
tréud.
20 Agus a dubhairt ſeiſion ré na in
gheanuibh, cáit a bhfuil an té ſin
créad fár fhágabhair an tóglach! goi-
ridh é a ſteach go nithidh ſé arán.
21 Agus bá toil lé Maóiſi comhnui-
ghe a bhfochair a nóglaoich ſin: agus

tug ſé do Mhaóiſi Sipporah a inghean
mar mhnaói.
22 Agus rug ſí mac dhó, agus tug
Gerſom dainm air; óir ar ſeiſion,
do bhí mé am choigcríoch a ttír
cholgrich.
23 Agus tárla a gcionn aimſire go
bhfuáir Rígh na Hégipte bás, agus do
bhádur clann Iſrael ag oſnadhuigh tré
mhéid a ndaóirſe: agus do eighmhea-
dar; agus tháinic a néighmhe ſúas
chum Dé tré na ndáoirſe.
24 Agus do chúaluidh Día a nuch-
bhadhach, agus do chuimhnigh Día a
chunnradh re Habrāham, re Hiſaac, a-
gus ré Jácob.
25 Agus do fhéach Día ar chloinn
Iſrael, agus do bhí truáighe ag Día
dhóibh.

CAIB. III.

An dos ag laſadh gan chaitheamh. 10. *ghoir Día Maoiſi.* 16. *& chúir teachdaireachd leis.*

A nois do bhí Máoiſi ag cumhdach
cháorach Jéthro a chliamhuin Sa-
gart Mhídian, agus táinic go ſliabh Dé,
eadhon go Horeb.
2 Agus táinic aingeal an tighearna
chuige a laſair theineadh amach as
lár craóibhe, agus damhairc ſeiſion, a-
gus féach do bhí an chráobh tré la-
ſadh ó theineidh, agus níor loiſgeadh
an chráobh.
3 Agus a dubhairt Máoiſi, fillfidh mé
a nois a leathtáoibh, agus féuchſa mé
ar an radharc mórſa, čred fá nach
loiſgear an chraobh.
4 Agus a nuáir do chonnairc an ti-
ghearna gur fhill ſé a leathtaoibh dá
fhaicſin ſin, do ghoir Día air amach
as lár na cráoibhe, agus a dubhairt ſé,
a Mhaoiſi, a Mhaoiſi; agus a dubhairt
ſeiſion, atáim annſo.
5 Agus a dubhairt ſeiſion, ná tárr
a bhfogus annſo: cuir dhíot do bhró-
ga dod choſuibh: óir a náit ar a bhfuil
tú ad ſheaſamh, is talamh naomh-
tha é.
6 A dubhairt ſé ós a chionn ſin fós,
is miſi Día hathar, Día Abraham, Día
Iſaac, Día Jácob: Agus do fholuigh
Máois a aghuidh, óir dob eagal leis
féachuin ar Dhía.
7 Agus a dubhairt an tighearna, is
deimhin go bhfaca miſi ſciurſa mo
phobuil, noch atá ſa Négipt, agus
do chúala mé a néighmhe, do bhrígh
a mhaighiſtreach taſcuidh: óir atá fios
a ndoilghis agam.
8 Agus tháinic mé a nuas dá ſáo-
radh as lámhuibh na Négiptach, agus
dá mbreith ſúas as an tír ſin, go
fearann maith fairſing, go fearann do
bheir tuile bhainne agus mheala; go
háit na Ccananítech, agus na Hititech, a-
gus na Jebuſiteach, agus na Namoritech
agus na Bperiſitech, agus na Hi
tech.
9 A nois uime ſin, feuch, t
dur comhairc chloinne Iſrael chug
agus do chonnuirc mé mar an g
an ſóirneart léar bhruigheadar na
giptigh íad.
10 Tarr a nois uime ſin agus
miſi dionnſuighe Pharao thú, ionn
ttiubhra tú mo phobal, clann Iſ
amach as a Négipt.
11 Agns a dubhairt Maóiſi ré
cía miſi as a rachuinn go Pharao,
as a tiubhruinn clann Iſrael a
as a Négipt.
12 Agus a dubhairt ſeſion, go
mhin biáidh miſi leachd, agus bi
mar chomhartha agad, gur chuir
ann tú; a nuáir do bheura tú a
bal amach as a Négipt do dhé
ſerbhis do Dhía ar a tſliabhſa:
13 Agus a dubhairt Maóiſi ré
féuch a nuair thiocfas miſi a c
chloinne Iſrael, agus a déura mé
do chuir Día bhur naithreadh ch
mé, agus a déaruidſion riomſa, cá
atá air? créad a déura miſi a
ríu?
14 Agus a dubhairt Día ré
ſi,: AS ME AN TI AS ME:
a dubhairt ſé, marſo a déura t
clannuibh Iſrael, ATA MISI, do
chuguibh mé.
15 Agus a dubhairt Día ós a c
ſo ré Maóiſi, déura tú re clan
Iſrael: an tighearna Día bhur n
readh, Día Abraham, Día Iſaac,
Día Jacob, do chúir miſi chuguib
ſo mainm go bráth, agus ſé
chuimhne do nuile gheinealach.
16 Eirigh, agus cruinnigh ſinnſir
a bhfochair a cheile, agus abair
do fhoillſigh an tighearna, Día
naithreadh, Día Abraham, Día
agus Día Jacob, é fein damhſa ag
tháinic mé go deimhin dá bhur
rúghadh, agus [do chonnairc mé]
ní do rinneadh ribh ſa Négipt.
17 Agus a dubhairt mé, béura
ſúas ſibh as buaidhreadh na Hé
go fearann na Gcananiteach, agus n
titech, agus na Namorítech, a
Bperiſiteach, agus na Nibhiteach
gus na Jebuſitech; go tír do
tuile bhainne, agus mheala.
18 Agus umhlochuidh ſiadſan
ghlór, agus tiucfa tuſa agus ſ
Iſrael a cceann Rígh na Hegipte,
déura tú ris; tárla an tighearna
na Neabhruidheach rinn, agus a
iarrmaoid dathchuinge ort, leig d
dul aiſtior thrí lá ſan bhfáſach, go n
namáois iodhbhairt don tighearna
Ndía féin.
19 Agus atá a fhios agumſa
léigfidh Rí ná Hégipte dhaóibh
theachd, agus ní leigſe achd lé
láidir:
20

20 Agus sinfe misi mo lamh a-
mach, agus buáilfe mé a Négipt leam
uile iongántuibh, noch do dhéana mé
ann a lár, agus na dhiáigh sin léigfidh
sé dhaóibh imtheachd.
21 Agus do bhéura misi do na daóin-
ibhsi sabhar a bhfiagnuisi na Négip-
teach, agus tiucfa dhe a nuáir imeoch-
thaoi, nach folumh imeochthaoi.
22 Ach béuruidh gach éinbhean áir-
leagadh ó na comharsáin, agus ón
mhnaói bhías ar cuáirt na tigh, seóid
airgid, agus seóid óir, agus éaduighe;
agus cuirfidhe iad ar bhur macuibh agus
ar bhur ningheanuibh, agus creach-
fuighe na Hégiptigh.

CAIB. IV.

Ghabh Maoisi an teachduireachd do láimh fá dheire. 27 As scáthan Maosi & Aaron ar chairdeas uachdarain thuatha, & chill, ré cheile.

AGus do fhreagair Maóisi, agus a
dubhairt, ach féuch, ní chreidfid
siad mé, agus ní éisdfid rem ghuth; óir
a déaruid siad, níor thaisbéin an tigh-
earna é féin duit.
2 Agus a dubhairt an tighearna ris,
créad é an ní sin ad láimh? agus a
dubhairt sesion, atá slat.
3 Agus a dubhairt sé, teilg ar ta-
lamh í, agus do theilg seision ar talamh
í, agus do rinneadh nathair nimhe dhi,
agus do theith Maoisi roimpe.
4 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóisi, cuir do lámh amach agus glac í
ar earball, agus do chúir amach a lámh,
agus do ghlac í, agus do rinneadh slat
dí iona láimh.
5 Ar chor ar sé, go gcreidfidís gur
fhoillsigh an tighearna Día a nathar,
Día Abraham, Día Isaac, agur Día
Jácob é féin duit.
6 Agus a dubhairt an tighearna ris
ós a chionn sin, cuir a nois dó lámh
ad bhrollach; agus do chuir sé a lámh
iona bhrollach; agus a nuair tug sé
amach í, féuch, do bhí a lámh lubhrach
mar shneachda.
7 Agus a dubhairt sé, cuír do lámh
ad bhrollach a rís: agus do chuir a
lámh na bhrollach a rís, agus tug
amach as a bhrollach í, agus féuch do
hiompóigheadh í a rís mar an gcuid
eile dhá fheóil.
8 Agus tiucfa a gcrích muna ccre-
idid siad thú, agus nach tiubhruid
éisdeachd do ghuth an chéadchomhartha,
go gcreidfid siad guth an chomhartha
dheighionuigh.
9 Agus tiucfa a gcrich mar an gcé-
adna, muna ccreidid siad céachtar don
dá chomharthasa, agus nach éisd-
fid red ghuthsa, go nglacfa tú
duisge na habhann, agus go ndóirtfe
tú é ar an ttalamh tirim, agus an
táisge bhéuras tú as a nabhuinn go mbia
na fhuil ar an dtalamh tirim.
10 Agus a dubhairt Maoisi ris an
ttighearna, ó mo thighearna ní bhfuilim-
si deaghlabhartha, ná roimhe so, ná ó
labhair tusa red sherbhiseach: Achd
atáim mall a ccomhrádh, agus mall a
dteanguidh.
11 Agus a dubhairt an tighearna
ris, cía rinne béul an duine, nó cía
rinne béul an duine, nó cía ní an balbh
nó an bodhar, nó an té do chí nó an
dall? nach misi an tighearna do rinne iad?
12 A nois ar a nadhbharsin imthigh,
agus biáidh misi maille red bhéul, agus
múinfe mé dhuit cread a déura tú.
13 Agus a dubhairt sesion, ó mo
thighearna, guidhim thú, cuir uáit ris an
té noch chuirfeas tú uait.
14 Agus do las fearg Dé re Máoisi
agus a dubhairt, nach é Aáron an Lé-
bhitech do dhearbhrathair? atá a fhios
agam go labhrann sé go maith. Agus
mar an gcéadna, féuch atá sé ag teachd a-
mach do theagmháil riot, agus a nuair
do chífe sé thú, biáidh lúthgháireach iona
chróidhe.
15 Agus laibheora tusa ris, agus
cuirfe tú bríathra iona bhéul, agus
biaidh misi maille red bhéulsa, agus le
na bhéulsan, agus múinfe mé dháoibh
cread do dhéantaoi:
16 Agus biáidh sesion na fhior edirmhí-
nighe agad ris an bpobal, agus biáidh sé
sion, biáidh sesion féin a náit béil duitsi,
agus biáidh tusa a náit Dé dhósan:
17 Agus glacfa tú an tslatso ad láimh,
le ndéana tú comharthuighe.
18 Agus do imthigh Máoisi, agus do
fhill ar Jétro a chliamhuin, agus a du-
bhairt ris, guidhim thú léig dhamsa im-
theachd, agus filleadh ar mo dhearbhrát-
thribh atá sa Négipt, dá fheachuin an
bhfuilid béo fós: agus a dubhairt Jétro
ré Máoisi, éirigh a siothchain.
19 Agus a dubhairt an tighearna
ré Máoise a Midian, éirigh, fill do
Negipt, óir do éugadur uile an mhéid
do bhí ag iarruidh do bháis.
20 Agus rug Maóisi a bhean agus a
mhic leis, agus do chuir ar assal iad,
agus do fhill go crích na Hegipte. Agus
do ghlac Maóise slat Dé na láimh.
21 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóisi, a nuair iméochus tú chum
filleadh don Egipt: féuch go ndéana tú
na míorbhuilesi uile as coinne Phárao,
noch do chuir misi ad láimh: ach cruá-
dhéocha misi a chroidhe, ionnus nach
léigfidh don phobal imtheachd:
22 Agus deura tusa re Phárao: marso
a deir an tighearna: sé Israel mo
mhac, mo chéidghin fós.
23 Agus a deirim riotsa, léig mo
mhac ar siubhal, ionnus go ndéana sé
serbhis damhsa, agus má dhiúltann tú
léigean dó imtheachd, féuch muirfidh
misi do mhacsa, do chéidghin fós.

C 4 24 Agus

24 Agus tárla ar an tslighe san tigh
ósta, gur chas an tighearna air, agus
gur iarr a mharbhadh.
25 Ann sin do ghlac Sipporah cloch
ghéur, agus do ghearr réumhchroiceann
a mic, agus do theilg fa na chosuibh é,
agus a dubhairt: go deimhin is fear
fuilteach dhamhsa thú.
26 Do leig sé uadha mar sin é: ann
sin a dubhairt sisi, as fear fuilte-
ach thú, do bhrígh an timchillghéarr-
tha.
27 Agus a dubhairt an tighearna re
Aáron: imthigh san bhfásach do theag-
mhail re Maoise: agus do imthigh sé,
agus tárla leis é a sliabh Dé, agus do
phóg é.
28 Agus do innis Maóisi do Aáron
briathra an tighearna uile, noch do
chuir uadh é, agus a nuile chomhartha
dar aithin de.
29 Agus do imthigh Maóisi, agus
Aáron, agus do chruinnigheadur a bhfoch-
air a chéile sinnseara chloinne Israel uile.
30 Agus do labhair Aáron a nuile
fhocal dár labhair an tighearna re Ma-
óisi, agus do rinne na comharthadha a
lathair an phobail.
31 Agus do chreideadur an pobal,
agus a nuáir do chualadar go ttáinic an
tighearna dfiosrughadh chloinne Israel,
agus gur fhéuch sé ar chloinn Israel,
agus go bhfacaidh sé a mbuaireadh,
ann sin do chromadar a ccinn agus do
rinneadur umhla.

CAIB. V.

Pharao deis rabhadh fhaghail ó Mhaoisi lé ó Aaroin, Israel do leigean ar Siobhal. 5 Do Mheúduigh se daoirse Israel.

AGus na dhiáigh sin do chuáidh Maóisi
agus Aáron a steach, agus do inni-
seadur do Pharao: marso a deir an
tighearna Día Israel, léig dom phobal
imtheachd go ndearnaid féusda dhamhsa
san bhfásach.
2 Agus a dubhairt Pharao, cía hé an
tighearna da numhlochuinnsi dhá ghlór,
as a léigfinn Israel dimtheachd uáim?
ni haithnid damhsa an tighearnasin agus
ní mó léigfeas mé Israel dimtheachd
uáim.
3 Agus a dubhradursan, tarla Día na
Neabhruidheach rinn: léig dhúinn im-
theachd, iarmaoid ort, uidhe thrí lá annsa
bhfásach, agus iodhbuirt do dhéanamh
don tighearna ar Ndía, deagla go luidh-
fiodh sé orrainn le pláigh nó le cloidheamh.
4 Agus do ráidh Rígh na Hégipte ríu,
cread fa mbacthaoisi, a Mhaóisi agus a
Aáron, do na daoinibh a nobair do dhé-
anamh? éirgidhsi chum bhur núaluigh féin.
5 Agus a dubhairt Pharao, féuchuidh,
atáid pobal na tíre annois lionmhar,
agus do bhéurthaoise orra fuireach óna
nualuighibh.
6 Agus tug Pharao aithne an lá
féin do mhaighistríbh tasca an pho
agus dá noifigeachuibh, ag rádh.
7 Ní thiubharthaoi feasda tuighe
phobal do dhéanamh brice, mar th
bhair go tti so: éirgidis agus cru
ghedis tuighe dhóibh féin.
8 Agus a nuibhir bhríceadh do rinn
dur go nuige so, cuirsidhe sin orra,
láighdeochthaoi [a bheag] dhe: óir
táid díomhaoin, agus is uime sin g
rid siad, ag rádh, léig dhúinn imthea
do dhéanamh iodhbartha dár Ndía.
9 Cuirthear tuilleadh oibre ar na d
inibh go ndearnaid saothar ann: a
nach dtugaid aire do bhríathruibh
omhaóin.
10 Agus do chúadur maighistri
dáoirsi an phobail amach, agus a
figidh, agus do labhradur ris an bp
ag rádh: is mar so a deir Pharao,
thiubhra misi tuighe dhaoibh.
11 Eirgidh, faghaidh tuighe mar
féidir libh a faghail: ní rachuidh
bheag dá bhur nobair sios.
12 Mar sin do spréigh an pob
mach ar feadh chriche na Hégipt
chruinniughadh connluigh a náit tuig
13 Agus do bhrosduigheadar na ma
istríghe tasca iad, ag rádh, iomlan
bhur nobair, bhur ttasca láetheam
comhmaith agus a nuáir do bhí tu
aguibh.
14 Agus do buáileadh oifigidh chlo
Israel, noch do chuireadur maighist
tasca Pharao ós a gcionn; agus do
afruigheadh dhiobh, cread fá nár c
líonabhair bhur ttasca a ndéanamh bri
né águs a niugh, mar do rinneab
roimhe sin.
15 Ann sin tangadur oifigidh chlo
Israel, agus do éigheadur ar Pha
ag rádh, créad fá ndéan tú so réd
bhiseachuibh?
16 Ní tucthur tuighe dot sherb
seachuibh, agus a deirid siad ri
déanuidh brice: agus féuch, gabh
ar do sherbhiseachaibh; achd as ar
dhaóinibh féin atá an lochd.
17 Achd a dubhairt sesion, atáth
díomhaóin, atáthaoi díomaoin; uime si
dearthaoi, léig dhúin imtheachd go nde
namaois iodhbuirt don tighearna.
18 Imthighidh a nnois uime sin, a
déanuidh saothar: óir ní tiubhar
tuighe ar bith dhaóibh, agus gidhe
do bhéurthaoi uáibh uibhir na mbrícead
19 Agus do choncadur oifigidh chloin
Israel, gur bholc an náit ann a rabhad
tar éis a rádh; ní laighdeochuidh
bheag dá bhur mbrícidh ann bh
ttasca laétheamhuil.
20 Agus tárla re Maóisi agus re Aáro
iad, noch do sheas annsa tslighe rom
mar thangadur amach ó Pharao.
21 Agus a dubhradur ríu, go bhfé
chuidh an tighearna oruibh, agus bein
adh breath; do chionn go ndearnabhai

ar mboladh domblaſda a lathair Phárao
agus a radharc a ſherbhíſeach, do chur
cloidhimh ann a láimh dar marbhadh.
22 Agus do ſhill Maóiſe chum an
tighearna, agus do ráidh, a thighearna,
créad fá ndeárna tú comholcío ris an
bpobalſa? créad as ar chuir tú miſi
uáit?
23 Oír ó tháinic mé go Phárao do
labhairt ad ainmſe, do rinne ſé olc ó
ſhin don phobalſa, agus ní mó do ſháor
tuſa do phobal ar éanchor.

CAIB. VI.

Nochd Jehóbha e fein tré ſhaoradh Iſrael.
16 Mic Lébhi, ó á ttainic Maoiſi & Aaron.

ANn ſin a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe: a nois do chíſe tú cread do
dhéanſa ré Phárao: óir is lé láimh
láidir léigifeas ſé dhóibh imtheachd,
agus lé láimh láidir dhíbeorus ſé as a
dhúthaigh íad.
2 Agus do labhair Día ré Maóiſi,
agus a dubhairt ſé ris, is miſi an tighearna.
3 Agus do thaisbéin mé mé féin do
Abraham, agus do Iſaac, agus do Já-
cob a nainm Dé uile chumhachduigh,
achd ann mainm Jehóbhah níor bhaith-
ne dhóibh mé.
4 Agus do dhaingnidh mé mo chunn-
radh ríu, tír Chánaain do thabhairt
dóibh, fearann a noithlithre, ann a ra-
bhadar na gcoimhighthibh.
5 Agus do chúala mé mar an gcéad-
na oſnadh chloinne Iſrael, noch chong-
mhuid na Hégiptigh a ndaóirſi, agus do
chuimhnidh mé mo chunnradh.
6 Uimeſin abair ré cloinn Iſrael, is
miſi an tighearna, agus do bhéura mé
amach ſibh ó nualach ſár chuireadar
na Hégiptigh ſibh, agus ſáorſa mé ſibh
óna ndaóirſe, agus fuaſgeólad ſibh lé
láimh ſhínte amach, agus maille re brei-
theamhnuſuibh móra.
7 Agus glacſa mé chugam ſibhſi
mar phobal, agus biáidh miſi mar
Dhía aguibhſi: agus áitheóntaoi gur
mé an tighearna bhur Ndía, noch bhéu-
rus amach ſibh ó bheith fá úaluighibh
na Négipteach.
8 Agus béura mé aſteach ſibh ſan
tír le ttug mé mionna go ttiubhruinn
í do Abraham, do Iſaac agus do Jácob;
agus do bhéur dhaóibhſi í mar oigh-
reachd: is miſi an tighearna.
9 Agus do labhair Maóiſe mar ſin lé
cloinn Iſrael, agus níor éiſdeadar ré
Maóiſe, tré chrádh ſpioraide, agus tre
dhaoirſi roighéir.
10 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſi ag rádh.
11 Eírgidh a ſteach, labhair ré Phá-
rao Rígh na Hégipte, go léigeadh ſé
clann Iſrael dimtheachd as a thír.
12 Agus do labhair Maóiſi as coinne
an tighearna, ag rádh, níor éiſdeadur
clann Iſrael rium, mar ſin cionnus eiſ-
dfios Phárao rium, noch atáim ann mo
ghlór neimhthimchill ghearrtha?
13 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſi agus re Háaron, águs do chuir
cúram leó go cloinn Iſrael, agus go
Phárao Rígh ná Hégipte, do thabhairt
chloinne Iſrael amach as crích na Hé-
gipte.
14 Is íad ſo cinn tighe a naithreadh:
Clann Réuben, céidghin Iſrael, Hanoch,
agus Pallu, Heſron agus Carmí: a ſiad
ſo ſliochd Reuben.
15 Agus mic Shimeón, Jemuel, agus
Jamin, agus Ohad, agus Iachin, agus
Sohar, agus Saul mac mhná Canani-
tigh; is íad ſo ſliochd Shimeóin.
16 Agus Is íad ſo anmanna mhac Lé-
bhi, do réir a ngeinealuigh, Gerſon,
agus Cohat, agus Merári: agus dob
íad blíadhna bheatha Lébhi céad, trío-
chád agus ſeachd mblíadhna.
17 Mic Gherſon, Libni, agus Simi,
do reir a ſleachda.
18 Agus mic Chohat, Amram, agus
Iſar, agus Hebron, agus Uſſiel;
agus dob íad blíadhna bheatha Cho-
hat, céad agus tríochad, agus trí blí-
adhna.
19 Agus mic Mherári, Mahály, agus
Muſſi; is íad ſo ſliochd Lébhi do réir
a ngeinealach.
20 Agus tug Amram Jochebed deir-
bhſhíur a athar na mnáoi chuige, agus
do rug ſí Aáron dó agus Maóiſi: agus
bá híad blíadhna bheathá Amraim
cèad agus tríochad agus ſeachd mblí-
adhna.
21 Agus mic Iſar, Córah, agus Ne-
pheg, agus Sichri.
22 Agus mic Iſſiel, Miſael, agus Elſa-
phan, agus Sitri.
23 Agus tug Aarón Eliſeba inghean
Aminadab, deirbhſhíur do Naaſon, na
mnáoi, agus rug ſí dhó Nádab, agus A-
bihú, Eleaſar, agus Itamar.
24 Agus mic Chórah, Aſſir, agus El-
canah, agus Abiaſaph; is íad ſo treabha
na Ccoiritech.
25 Agus tug Eleaſar mhac Aároin in-
ghean Phutiel na mnáoi; agus rug ſí
Phinehas dó: is íad ſo cinn áithreach
na Lébhiteach do réir a dtreabha.
26 A ſiad ſo an Taaron ſin agus an
Maóiſe, ré a ndubhairt Día, beiridh
amach clann Iſrael as crích na Hégipte
do réir a ſluágh.
27 Agus a ſiad ſo do labhair ré
Phárao Rígh na Hégipte, do thabhairt
clóinne Iſrael amach as Négipt: is
íad ſo ann Maóiſe agus an tAáron
ſin.
28 Agus tárla ſan ló ar labhair
an tighearna ré Máoiſi a ccrích na He-
gipte.
29 Gur labhair an tighearna ré Maói-
ſe, ag rádh, is miſi an tighearna; labhair

thusa ré Phárao Rígh na Hégipte gach
ni dá nabruimse riot.
30 Agus a dubhairt Maóisi a lathair
an tighearna, féach atáimsi am bheul
neimhthimchillghearrtha , agus cionnus
éisdfios Phárao rium ?

CAIB. VII.

Céud Phlágh na Hegipte.

AGus a dubhairt an tighearna ré
Maóisi, féuch do rinne mé Día
dhíot do Phárao, agus biaidh do dhear-
bhrathair Aáron na fháidh agad.
2 Laibheóra tú gach uile ní aitheó-
nuis misi dhíot, agus labheóruidh Aáron
do dhearbhrathair ré Phárao , clann
Israel do chur as a dhuthaigh.
3 Agus cruáidheóchuidh misi croidhe
Phárao, agus meideóchuidh mé mo cho-
mharthuighe, agus mo mhíorbhuileadh
a gcrích na Hégipte.
4 Ach ní éisdfidh Phárao ribhsi, ar
chor go leagsa misi mo lámh ar a Né-
gipt , agus go ttiubhra mé mó shlúagh
agus mo phobal clann Israel amach
as crích na Hégipte , le breitheamh-
nusuibh móra.
5 Agus aitheónuid na Hégiptigh gur
mé an tighearna , a nuáir shínfeas
mé amach mo lámh ar a Négipt, agus
bhéurus mé clann Israel ó bheith na
measg.
6 Agus do rinne Maóisi, agus Aáron
mar do aithin an tighearna dhíobh, is
mar sin do rinneadar.
7 Agus do bhí Maóise ceithre fichid
bliadhan daois, agus Aáron trí bliadhna
agus ceithre fichid a nuáir do labhra-
dur ré Phárao.
8. Agus do labhair an tighearna
ré Maóisi, agus ré Háaron, ag radh ;
9 A nuáir laibheóras Phárao ribh,
ag rádh,taisbeanuidh míorbhuile ar bhur
son féin : ann sin déara tusa ré Háa-
ron, glac do shlat agus teilg a bhfi-
aghnuisi Phárao í, agus do dhéantar
nathair nimhe dhi.
10 Agus do chuáidh Maóisi agus Aa-
ron a steach go Phárao, agus do rinnea-
dar mar do aithin an tighearna dhíobh,
agus do theilg Aáron a shlat síos a
lathair Phárao, agus a mhuinntire, agus
do rinneadh nathair nimhe dhi.
11 Ann sin do ghoir Phárao mar
an gcéadna na dáoine glioca, agus an
luchd piséóg : a nois dráoithe na Hé-
gipte, do rinneadursan fós ar an modh
gcéadna le na ndroigheachduibh.
12 Oír do theilgeadar síos gach áon-
duine aca a shlat, agus do rinneadh
naithreacha nimhe dhíobh ; ach do
shluig slat Aaron súas a slatasan.
13 Agus do chruáidhigh sé croidhe
Phárao, go nár éisd sé ríu, fá mar
dubhairt an tighearna.
14 Agus a dubhairt an tighearna
Maóise, do cruáidheadh croidhe Phár
do dhíult sé léigion don phobal
theachd.
15 Eirigh a ccionn Phárao ar m
din, féuch rachuidh sé amach ch
nuisge, agus seasfa tusa ar bhrúach na
bhanna ag fuireach ré na theachd, ag
an tslat dá ndéarnadh a naithir nim
glacfa tú ad laimh í.
16 Agus déara tú ris, do chuir
tighearna Día na Neabhruidheach m
chugad dá rádh, léig dom phobal
theachd, do dhéanamh serbhíse dham
san bhfásach; Agus féuch go nuige
níor áil leachd meisdeachd.
17 Mar so a deir an tighea
ann so aitheónus tú gur misi an tigh
na, féuch buáilse mé leis an tslait
am láimh , ar na huisgidhibh
sa nabhuinn, agus iompóchthar
bhfuil.
18 Agus do gheabhuidh an tiasg
sa nabhuinn bás , agus bréanfuidh
nabhann, agus budh glonn leis na
giptibh uisge na habhanna dól.
19 Agus do ráidh an tighearna
Maóisi , abair ré Háaron , glac
shlat agus sín amach do lámh
uisgidhibh na Hégipte, ar a sroth
ar a naibhnibh, ar a locháinuibh,
ar a nuile chomhchruinniughadh
go ndéarntar fuil díobh ; agus
mbía fuil ar feadh chríche na Hég
aráon a soithighibh croinn agus
soithighibh cloiche.
20 Agus do rinne Maóisi agus Aá
mar sin, mar do aithin an tigh
na dhíobh , agus do thóg sé
an tslat, agus do bhuail na huisg
do bhí sa nabhuinn a radharc Phá
agus a radharc a sherbhíseach: agus
hiompóigheadh a raibh duisge sa
bhuinn a bhfuil.
21 Agus do fúair an tiasg do bh
nabhuinn bás, agus do bhréun a nabh
agus níor féadadar na Hégiptigh
na habhanna dól : agus do bhí fu
feadh chríche na Hégipte uile.
22 Agus do rinneadar dráoithe
Hégipte sin lé na ndroigheachd
agus do cruáidheadh croidhe Phár
agus níor umhluigh sé dhóibh, fá m
dubhairt an tighearna.
23 Agus do fhill Phárao , agus
chuáidh dhá thigh, ní mó do chuir
chroidhe leis sin mar an ccéadna.
24 Agus do thochladar na Hég
tigh uile fá gcuáirt na habhanna,
ghaill uisge ré n ól, óir níor féada
uisge na habhanna dól.
25 Agus do coimhlíonadh seachd
tar éis an tighearna do bhúaladh
habhanna.

CAI

CAIB. VIII.

An dara, treas, agus ceathramhadh pláigh na Hegipte.

AGus do labhair an tighearna ré Maóise; éirigh a ccionn Phárao, agus abair ris, mar so a deir an tighearna, léig dom 'phobal imtheachd, ionnus go ndéanuid serbhís damh.

2 Agus ma dhiúltann tú léigean dóibh imtheachd: féuch buáilse misi do theóranna uile le froguibh.

3 Agus geinfidh a nabhann froguidhe go líonmhur, noch rachus súas, agus thiucfas a steach dot thighse, agus dot sheómra leaptha, agus ar do leabuidh, agus go tigh do sherbhíseach, agus ar do mhuinntir, agus ann do úamhain, agus ann do loistibh fuinidh.

4 Agus tiucfaid na froguidhe súas aráon ort féin, agus ar do mhuinntir, agus ar do sherbhíseachuibh uile.

5 Agus do labhair an tighearna ré Maóisi, abair ré Háaron, sín amach do lámh le do shlait ós cionn na srothann, ós cionn na nabhann, agus ós cionn na lochán, agus tabhair fa deara froguidhe do theachd súas ar thalamh na Hégipte.

6 Agus do shín Aáron a lámh ós cionn uisge na Hégipte, agus tangadar na froguidhe amach, agus do sholuighеadar talamh na Hégipte uile.

7 Agus do rinneadar na dráoithe sin le na ndroigheachd, agus tugadar froguide súas ar talamh na Hégipte.

8 Ann sin do ghoir Phárao ar Mhaóise, agus ar Aáron, agus a dubhairt sé, guidhidh an tighearna go mbeireadh sé na froguidhe uáimse agus óm mhuinntir, agus léigse mé don phobal imtheachd, go madh héidir leó iodhbuirt do dhéanamh don tighearna.

9 Agus a dubhairt Maóise ré Phárao, bíodh ónóir agadsa ós mo chionnsa; gá huair ghuidhfheas mé ar do shon agus ar son do sherbhíseach, agus ar son do phobuil do scrios na bhfroguidh uáit, agus od thighthibh ionnus go bhfanuid siad sa nabhuinn amháin.

10 Agus a dubhairt seision, a márach: agus a dubhairt seision, bíodh do réir thfocailsi: ionnus go mbia a fhios agad nach bhfuil éinneach cosmhuil ris an ttighearna ar Ndíanne.

11 Agus imeóchuid na froguidh uáit féin agus ód thighthibh, agus ód sherbhíseachuibh, agus ód phobal, agus fanfuid siad sa nabhuinn amháin.

12 Agus do chuáidh Maóise agus Aáron amach ó Phárao, agus do éigh Maóise ar an ttighearna, fá na froguibh tug sé a naghuidh Pharao.

13 Agus do rinne an tighearna do réir bhreithre Mhaóise, agus fúaradar na froguidhe bás as na tighthibh agus as na bailtibh, agus as na machairibh.

14 Agus do cruinnigheadh a cceann a chéile iad ná gcrúachuibh, agus do bhréan an talamh.

15 Achd a nuáir do chonnairc Phárao go bhfuair cáirde, do chruáidh sé a chroidhe, agus níor éisd ríusan mar a dubhairt an tighearna.

16 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóisi, Abair ré Háaron, sín amach do shlat agus buáil luaithreamh a nsearuinn go ndearntar míola dhi ar feadh críche na Hégipte uile.

17 Agus do rinneadar mar sin; óir do shín Aáron a lámh amach le na shlait, agus do bhuáil luáithreadh na talmhan, agus do rinneadh míola dhi, a nduine agus a mbeathach: do rinneadh míola do luaithreadh na talmhan uile ar feadh chríche na Hégipte.

18 Agus do thairgeadar ná dráoithe mar an ccéadna le na ndroigheachd míola do chruthughadh, ach níor fhéadadar: mar sin do bhádar míola ar dhuine agus ar bheathach.

19 An sin a dubhradar na dráoithe ré Phárao, sé so méur Dé; agus do cruáidhеadh croidhe Phárao, agus níor éisd ríu, mar a dubhairt an tighearna.

20 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóise, éirigh súas go moch ar maidin, agus seas as coinne Phárao, féuch tiucfa sé amach chum a nuisge, agus abair ris: mar so a deir an tighearna, léig dom phobal imtheachd go ndéanuid serbhís damhsa.

21 Nó muna léigidh tú dom phobal imtheachd, féuch cuirse mé saithe mhíoltóg ort féin, agus ar do sherbhíseachuibh, agus ar do mhuinntir, agus a steach ann do thighthibh, agus beid tighthe na Négipteach lán do shaithibh míoltóg, agus mar an gcéadna an talamh ar a bhfuilid.

22 Agus dealócha mé an lá sin fearann Gosen a gcomhnuighid mo phobal, nach bia áon tsaithe mhíoltóg ann sin, ar chor go mbia a fhios agadsa gur misi an tighearna a meadhón an domhuin.

23 Agus cuirse mé roinn idir mo dháoinibh féin agus do dháoine si: a márach bhias an comharthaso.

24 Agus do rinne an tighearna mar sin, agus táinic saithe dhoilghe mhíoltóg a steach go tigh Phárao, agus go tighthibh a sherbhíseach, agus ar feadh chríche na Hégipte uile: do truáilleadh an talamh uile treas an tsaithe mhíoltóg.

25 Agus do ghoir Phárao ar Mhaóise agus ar Aáron, agus a dubhairt; éirgidh, déanuidh iodhbuirt do bhur Ndia ann sa talamh.

26 Agus a dubhairt Maóisi, ní hiomchubhuidh an ni sin ré a dhéanamh: óir isé an ni is athúamhar do na Hégiptibh dhéunas sinne iodhbuirt don tighearna ar Ndia: feuch dá ndéanadh sinne an ni is athuamha

athuamhar do na Hégiptibh iodhburt as
coinne a ſúl, nach géubhaidis do chlo-
chuibh oruinn?
27 Racham aiſtior thrí lá do ſhiubhal
ſan bhfáſach, agus do dhéanam iodhbuirt
don tighearna ar Ndía ſa mar aitheónus
ſé dhinn.
28 Agus a dubhairt Phárao, léigſe
mé dhaóibh imtheachd go ndearnthaoi
iodhbuirt don tighearna bhur Ndía ſan
bhfáſach: amháin ní rachtaoi a bhfad;
guidhidh ar mo ſhon.
29 Agus a dubhairt Maóiſe, féuch,
racha mé amach uaid, agus guidhfe mé
an tighearna go nimthighid na ſaitheadha
mioltóg ó Phárao, ó na ſherbhiſeachuibh
agus ó na phobal a márach: ach na him-
readh Phárao cealg ní is mó, gan leigean
don phobal imtheachd do dheanamh
íodhbartha don tighearna.
30 Agus do chuáidh Maoiſi amach
ó Phárao, agus do ghuidh ſé an ti-
ghearna.
31 Agus do rinne an tighearna do
réir fhocail Mhaóiſe, agus do atharruigh
na ſaitheadha mioltóg ó Phárao, ó na
ſhearbhfoghantuibh, agus ó na mhuinn-
tir: níor ſhan áon dhíobh.
32 Agus do chrúadhuigh Phárao a
chroidhe a núairſe mar an gcéadna, agus
níor léig don phobal imtheachd.

CAIB. IX.

*An cuigeadh, an ſeiſeadh, agus an ſeachd-
mhadh pláigh na Hegipte.*

ANn ſin a dubhairt an tighearna re
Maóiſe, éirigh a ſteach go Phárao,
agus innis dó, is mar ſo a deir an
tighearna Día na Neabhruígheach,
léig dom phobal imtheachd go ndéa-
nuid ſerbhís damhſa.
2 Oir má dhiultann tú léigean dóibh
imtheachd, agus go ccuinneóchuidh tú
fós iad.
3 Feuch atá lámh an tighearna ar háir-
neis atá ar an machaire amuigh, ar a
neachraidh, ar na haſſaluibh, ar na cámh-
alluibh, ar na damhuibh, agus ar na cáor-
chuibh: biaidh conach ródhoiligh orra.
4 Agus dealóchuidh Día áirneis Iſ-
rael ó áirneis na Hégipte; agus ní ra-
cha éinní is lé cloinn Iſrael déug.
5 Agus do órduigh an tighearna lá
cinnte, dá rádh, a márach do dhéana
an tighearna an ni ſi- ann ſa dúthaigh,
6 Agus do rinne an tighearna an ní ſin
ar na mhárach, agus fúaradar áirneis na
tíre uile bás: achd ní bhfuáir éinbheá-
thach dáirnéis na Niſraelach bás.
7 Agus do chuir Phárao fios amach,
agus féuch ní dheachuidh áon amháin
déug dáirneis Iſrael. Agus do cruadhui-
gheadh croidhe Phárao, agus níor léig
don phobal imtheachd.
8 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe agus re Haáron, glacuidh chu-
guibh lán glaice do luáith na fuirnéiſ
agus croitheadh Maóiſi ſin chumnim
a radharc Phárao.
9 Agus do dhéuntar luáithreadh mi
de, ar feadh chríche na Hégipte, a
biáidh na bhriſeadh amach a mbolgúi
ar dhuine agus ar bheathach ar fead
chríche na Hégipte.
10 Agus do ghlacadar luáith na fu
néiſe, agus do ſheaſádar a lathair Ph
raó, agus do chroith Maóiſe ſúas
chum nimhe, agus do rinneadh bolg
dhe ag briſeadh amach a léaſach
dhuine agus ar ainmhidhe.
11 Agus níor fhéadadur na dráoit
ſeaſamh a lathair Phárao do bhrígh
bolguidhe; óir do bhí an bholgach ar
draoithibh, agus ar na Hégiptibh uile.
12 Agus do chrúadhuigh an tigh
na croidhe Phárao agus níor éiſd ri
mar a dubhairt an tighearna re M
óiſe.
13 Agus a dubhairt an tighearna
Maóiſe, éirigh ſúas go moch ar maid
agus ſeas as coinne Phárao, agus abr
ris, is mar ſo a deir an tighearna D
na Neabhruigheach, léig dom phob
imtheachd go ndéanaid ſerbhís damh.
14 Oír cuirfe mé a nois mo phlágh
uile ar do chroidhe, agus ar do ſherb
ſeachuibh, agus ar do mhuinntir, ch
go mbia a fhios agad nach bhfuil m
leitheid eile ſan domhan.
15 Oír a nois ſinfe mé amach m
lámh, go mbuáilidh mé thuſa agus d
dháoine lé pláigh, agus gearrfuighear
talamh thú.
16 Agus go deimhin is uime ſo
thóg mé thuſa ſúas, ionnus go tti
beanfuinn ionnadſa mo chumhachda, a
go bhfoillſeochuidh mainm ar feadh a
domhuin uile.
17 Agus a nárduigheann tuſa fós th
féin a naghaidh mo phobuil, nach
leachd léigean dóibh imtheachd?
18 Féuch ſa namſa a márach cuirf
miſi, cloichſhneachda roighéar, a leithé
nach raibh ſa Négipt ó chruthuígheadh
í, gus a niugh.
19 Ar a nadhbharſin, fúagair ann
agus cruinnigh háirnéis, agus a bh
agad, annſa machaire; óir a nuile dhuine
agus a nuile bheathach ar a mbearth
ar an machaire, agus nach bearthar
bhaile, tiucfa an chloichſhneachda
núas orra, agus do gheabhuid bás.
20 An té ar a raibh eagla bhréith
an tighearna Día a measg ſherbhiſead
Phárao, tug ſa deara dhá ſherbhiſeach
uibh, agus dá áirnéis teitheamh a ſtead
do na tighthibh.
21 Agus an té ag nach raibh ſui
a mbreithir an tighearna, do ſhág
ſherbhiſigh, agus a áirnéis ar an mach
aire.
22 Agus a dubhairt an tighearna ré Ma-
óiſe, ſin amach do lámh chum nimhe, io-
nus go mbia cloichſhneachda ar fead
chríc

chriche na Hégipte ar dhuine agus ar
ainmhidhe, agus ar gach uile luibh
san mhachaire, ar feadh chriche na Hé-
gipte uile.
23 Agus do shín Maóisi a shlat
amach chum nimhe, agus do chuir an
tighearna tóirneach agus cloichshneachd,
& táinic an teine ar feadh na talmhan,
& do fhear an tighearna cloichshnnea-
chda ar chrich na Hégipte.
24 Mar sin do bhí cloichshneachda a-
gus teine comaisce leis an gcloich-
shneachda go ro dhoiligh, air chor nach
dtáinic a leitheid á gcrích na Hégipte
ó rinneadh tír dhí.
25 Agus do bhúáil an sneachda ar
feadh chriche na Hégipte, gach a raibh
amuigh san machaire idir dhuine & bhea-
thach, & do bhuáil an sneachda gach
aon luibh ar an machaire, & do bhris
gach éanchrann ar an machaire.
26 Amháin a bhfearann Gosen mar a
rabhadar clann Israel ní raibh cloich-
shneachda ar bith.
27 Agus do chuir Phárao fios ar
Mhaóisi agus air Aáron, agus do
ráidh riú; do pheacuidh mé a nu-
airsi; atá an tighearna fíreúnta,
agus atáimsi agus mo mhuinntir go
holc.
28 Guidhidh an tighearna nach bía
ní is mó do thóirnigh mhóir nó do chloch-
shneachda; óir is lór a ndéarnadh, agus
léigfe misi dhíbh, agus ní fhanfuidh sibh-
si níos sía.
29 Agus a dubhairt Maóisi ris, comh-
luath is rachas misi amach as an gca-
thruigh, leithneocha mé mo lámha amach
chum an tighearna, & scuirfidh an tóir-
neach, & ní bhia ní is mó dó chloichsh-
neachda; ar chor go naitheona tusa gur
leis an ttighearna an domhan.
30 Achd ar do shonsa, agus ar son
do sherbhíseach atá a fhios agam nach
biaidh eagla an tighearna Día fós oruibh.
31 Agus do buáileadh an líon agus a
neórna, óir do bhí a neórná a ndéis &
an líon a mbolguibh.
32 Ach níor buáileadh an chruith-
neachd nó an seagal: óir níor fhása-
dar súas.
33 Agus do chuáidh Maóise amach as
an gcathraidh ó Phárao, & do leath-
nuigh amach a lámha ar an ttighearna,
agus do scuireadar na tóirneacha, agus
an chloichshneachda, & níor dóirteadh
a nfearthuinn ar an ttalamh.
34 Agus a nuáir do chonnairc Phárao
gur scuir a nfearthuinn, an chloich-
shneachda, & an tóirneach, do pheacuidh
sé tuilleamh fós, agus do cruadhuigh a
chroidhe, é féin agus a sherbhísigh.
35 Agus do cruadhuigheadh croidhe
Phárao, agus níor léig do chlannuibh
Israel imtheachd, mar do labhair an
tighearna re Maóise.

CAIB. X.

An tochdmhadh agus an naoimheadh plágh na Hégipte.

AGus a dubhairt an tighearna re Ma-
óise, éirigh a steach go Phárao; óir
do chruadhuigh misi a chroidhe, agus
croidhe a sherbhíseach, ionnus go ttais-
béanfuinn iadso mo chomharthadha dá
lathair.
2 Agus ionnus go ninneostasa a
gcluásuibh do mhic, agus mhic do mhic,
ciodh iad na neithe do rinne misi sa Né-
gipt, agus mo chomharthadha do rinne
mé na measg, ionnus go mbía a fhios
aguibh gur misi an tighearna.
3 Agus táinig Maóise agus Aáron a
steach go Phárao, agus a dubhradar ris,
is mar so a deir an tighearna, Día na
Neabhruigheach, gá fad bhias tú ag
diultadh thú féin dúmhlughadh dom la-
thairse? léig dom phobal imtheachd go
ndéanaid serbhís damh.
4 Nó má dhiultann tú léigion dom
phobal imtheachd, féuch go ttiubhra misi
a márach, na locuistigh ann do thóranna.
5 Agus faileochuid siad aghaidh na
talmhun, nach budh féidir le duine an
talamh dfaicsin, agus íosuid siad an
fuighioll do chuáidh as don ní noch do
mhair aguibhsi ón chloichshneachda, &
íosuid gach uile chrann dar fhás díbh
as an ttalamh.
6 Agus líonfuid siad do thighthe, &
tighthe do mhuinntire, agus tighthe na
Négipteach uile; ní nach bhfacaidh ha-
thair, nó athair hathar ón ló sa rabha-
dar ar an ttalamh, gus a niugh: agus do
iompóigh sé é féin, agus do chuáidh
amach ó Phárao.
7 Agus a dubhradar muinntir Phárao
ris; cá fad bhias an fearsa na dhol
oruinn? léig do na dáoinibh imtheachd,
ionnus go ndéanuid serbhís don tighearna
a Ndia: nach bhfuil a fhios agad fós
gur milleadh a Négipt?
8 Agus tugadh Maóise agus Aaron
a rís chum Phárao, agus a dubhairt
sé riú; imthighidh, déanuidh serbhís
don tighearna bhur Ndía: ach cía híad
féin imeochus.
9 Agus a dubhairt Maóise ris, imeo-
chum maille re ar nóguibh, agus re ar
seanuibh, maille re ar macuibh agus
re ar ningheanuibh, maille ré ar ttr-
eaduibh agus re ar neálbhadhuibh imeo-
chum: óir caithfeam féasda chong-
mhail don tigheaona.
10 Agus a dubhairt seision riú;
biodh an tighearna mar sin libhsi, sa
mar léigfeas misi dhibhse imtheachd,
agus dá bhur nóguibh: féachuidh, atá olc
romhuibh.
11 Ní mar sin: imthighidh sibhse a
nois atá bhur bhfearuibh agus déanuidh
serbhís

seirbhis don tighearna: óir isé sin do
iarrabhair: agus do cuireadh amach íad
as lathair Phárao.
12 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóise, sín amach do lámh ós cionn
chríche na Hégipte, do thabhairt na
locuistigh ann, ar chor go ttiucfaid súas
ar thalamh na Hégipte; agus go nithid
gach uile luibh ar an ttalumh, a nuile
ní dár fhág an chloichshneachda.
13 Agus do shín Maóise a shlat
amach ós cionn chríche na Hégipte, agus
tug an tighearna gáoth a noir ar an
ttalamh, feadh an laoi sin, agus ar feadh
na hoidhche sin uile; & iar dteachd
na maidne, tug an gháoth a noir ló-
cuistigh ann.
14 Agus do chúadar na lócuistigh
súas ar feadh chríche na Hégipte uile,
agus do fhosadar a ttóranuibh na Hé-
gipte uile, do budh rodhoiligh iad: ní
raibh a leitheid do lócuistibh rompa a
ríamh, agus ní mo bhías a leitheid na
ndiáigh.
15 Oír do fholchadar aghaidh na
talmhan uile, ionnus gur dorchuigheadh
an talamh uile, agus a dúadar gach uile
luibh ar an ttalamh, agus uile thoradh
na gcrann, noch do fhág an chloichsh-
neachda, agus níor fhan einní glas ar
na crannuibh, nó a luibhibh na talmhan
ar feadh chríche na Hégipte uile.
16 Ann sin do ghoir Phárao ar
Mhaóise agus ar Aáron go deithfreach,
agus do ráidh: do pheacaidh mé a nagh-
áidh an tighearna bhur Ndía, agus bhur
naghuidhsi.
17 Annois ar a nadhbharsin íarruim
dathchuinghe ort, maith mo pheacadh
a néanuáirse amháin, agus guidhidh an
tighearna bhur Ndia, go mbeireadh se
amháin an bás so uaim.
18 Agus do chuáidh sé amach ó Phá-
rao, agus do ghuidh an tighearna.
19 Agus do iompóidh an tighearna
gáoth ro láidir a níar, noch rug lé na
locuistigh, agus do theilg san mhuir
ruáidh iad: níor fhan éanlócust amháin
a gcrích na Hégipte uile.
20 Ach do chrúadhuigh Día croidhe
Pharao, ionnus nár bháil leis léigion do
chloinn Israel imtheachd.
21 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóise, sín amach do lámh chum nimhe,
ionnus go ttiucfadh dorchadas tar chrích
na Hégipte, dorchadas bhus éidir do
ghlacadh.
22 Agus do shín Maóisi a lámh
chum nimhe, agus do bhí dorchadas
tiugh ar feadh chríche na Hégipte uile
ar feadh thrí lá.
23 Ní fhaca duiné aca a chéile, ní
mó do éirigh aonduine aca as áit ar
feadh thrí lá, ach do bhí solus ag cloinn
Israel ann a náitibh féin.
24 Agus do ghoir Pharao ar Mhaó-
isi, agus a dubhairt, imthighidh, déa-
nuidh serbhis don tighearna: amháin
coinnighthear bhur ttréada, agus bhur
nealbhadha; éirgedís bhur náos óg m
an gcéadna libh.
25 Agus a dubhairt Máoise, caith
tú mar an gceadna iodhbuirt & ofr
loisge do thabhairt dúinn, lé ndéan
iodhbuirt don tighearna ar Ndía.
26 Rachaid ar náirnéis linn mar a
gcéadna, ní fhúigfeam ionga ar ndiáigh;
óir is díobh sín chaithfeam do ghlacadh
chum seirbhíse do dhéanamh don tigh-
earna ar Ndía; agus ni feas dúinn créad
leis a ndéanam serbhís don tighearna,
nó go ttigheam annsin.
27 Ach do chrúadhuigh an tighearna
croidhe Phárao, agus níor bháil leis lé-
gion dóibh imtheachd.
28 Agus a dubhairt Phárao ri
imthigh uáim, bí ar do coimhéad d
féin, ná faic mo ghnúis níos mó; óir a
lá sin do chífeas tú maghuidh do gh
bha tú bás.
29 Agus a dubhairt Maóise, is ma
do labhair tú, ní fhaicfe mé haghuid
a rís níos mó.

CAIB. XI.

Do bhagair Máoise ó Dhia, an deachmh pláigh ar Phárao.

AGus a dubhairt an tighearna r
Maóise; do bhéara mé fós ein
phláigh amháin eile ar Phárao agus a
a Négipt: na diaigh sin leigfidh
dhíbh imtheachd as so: a nuáir léi
fidh sé dhíbh imtheachd, dingfi
sé go deimhin as so amach go hiomlá
sibh.
2 Lábhair a nois a néisdeachd an ph
bail, agus faghadh gach éanduine áirle
gadh ó na chomharsúin, & gach ao
bhean ó na comharsúin seóid airg
agus seóid óir.
3 Agus tug an tighearna fabhar do
phobal a radharc na Négipteach: ós
chionn sin do bhí an tóglach, Maói
ro mhór a ccrích na Hégipte, a n
dharc mhuinntire Phárao, agus a fuill
an phobuil.
4 Agus a dubhairt Maóise, is ma
so a deir an tighearna, timchioll mhe
dhón oidhche, racha mé amach a lár n
Hégipte.
5 Agus do ghebha céidghin ga
áonduine ar feadh na Hégipte bás:
chéidghin Phárao noch shuidheas ann
chathaoir ríoghdha, go céidghin an chail
tserbhíse atá ar chúl an mhuilinn; agus
céidghin a nuile bheathach.
6 Agus béid comhairc ar feadh chríche
na Hégipte uile, is nach raibh a leithid
agus nach bía a leithid ní is mhó
bráth.
7 Ach ní chorróchuidh madradh
theangadh a naghuidh éanduine d
chloinn Israel, a naghuidh duine nó be
thuigh

thuigh, ar chor go mbía a fhios aguibh
ionnus chuírios Día idirdhealadh idir na
Hégiptibh agus Iſrael.
8 Agus iad ſo do ſherbhiſighſe
uile, tiucfaid ſiad ſíos chugamſa,
agus cláonfuid íad féin ſíos damhſa,
dha rádh, éirigh amach agus a nuile
phobal leanas tú; agus na dhiaigh ſin
racha miſi amach: agus do chuáidh ſé
amach ó Phárao air laſadh re feirg.
9 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe: ni éiſtfidh Phárao riotſa ion-
dus go méideochthaoi mo iongantaſa a
ccrích na Hégipte.
10 Agus do rinne Maóiſi, agus
Aáron na bionganta ſo uile a lathair
Phárao, agus do chrúadhuigh an ti-
ghearna croidhe Pharao, ionnus nár
léig do chloinn Iſrael imtheachd amach
as a dhúthaidh.

CAIB. XII.

Do ordaigh Dia an Cáſg. 29. Tainig an deachmhadh Pláigh. 31. chuaidh ſé céd míle fear amach as Egipt.

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óiſe, & re Háaron a gcrích na Hé-
gipte, dá rádh;
2 Is í an mhíſe bhías aguibhſi na
toſach míos, is í bhus céad mhí don
bhlíadhuin díbh.
3 Labhruidhſi re combhthional Iſrael
uile, ga rádh, an deachmhadh lá don
míſe glacfuidh ſíad chuca gach áonduine
aca úan do réir thighe a naithreach
úan ar ſon gach éintighe.
4 Agus má bhíonn an teaghlach ro
bheag do núan, glacadh ſeiſion é agus
a chomharſa is foigſe dhà thigh do reir
uibhre na nannman; do dhéanuidh gach
áonduine do réir mar íoſas ſé do chun-
tas ar ſon a nuáin.
5 Biáidh bhur nuáin gan toibhéim, fi-
rionnach don chéidbhliadhuin: beanſui-
dhe ó na cáorchuibh nó ó na gabh-
ruibh é.
6 Agus coinneochtáoi aguibh é go
nuige an cceathramadh lá déag don mhí
chéadna: agus muirfidh comhchruinniu-
ghadh iomlán phobuil Iſrael é tráthnóna.
7 Agus glacfuidh ſíad cuid do nfuil,
agus buáilfid í ar dhá urſoinn agus
ar fhàrdorus na ttightheadh a nio-
fuid ſíad é.
8 Agus íoſuid ſíad a nfeóil a no-
idhche ſin: róſta ré teinidh, agus arán
gan laibhín, re [luibheannuibh]
ſearbha íoſuid ſíad é.
9 Ná hithidh éinní dhe amh, nó brui-
the le huiſge ar éanchor, achd róſta lé
tinidh, a cheann maille re na choſa, &
maille ré a mbeanann ris.
10 Agus ni fhuigfidhe éinni dhe go
maidin, & an mhéid bhías gan ithe dhe
go maidin loiſgfidhe é le teinidh.
11 Agus is mar ſo íoſtáoi é: maille
re bhur bhfordhronnuibh crioſluigh-
the, bhur mbróga ar bhur ccoſuibh,
agus bhur mbata an bhur láimh, agus
íoſtáoi go deithneaſach è; ſé cáiſg an
Tighearna é.
12 Oír racha miſi tré chrích na Hé-
gipte a nochd, & buáilfead a nuile
chéidghin ſan Négipt idir dhuine agus
bheathach, & daimhdheóin uile Dhée
na Hégipte cuirfeadh breitheamhnus a
gcrích: as miſi an Tighearna.
13 Agus biaidh a nfuil aguibhſe
mar chomhartha ar na tighthibh a
mbeithí, agus a nuáir do chíſe miſi a
nfuil, racha mé thoruibh, & ní bhía an
phláigh oruibh da bhur marbhadh, a nuáir
bhuáilfeas mé críoch na Hégipte.
14 Agus biáidh an láſa aguibhſi mar
chuimhne; & cuimhdeochtháoi é mar
fhéuſda don tighearna ar feadh bhur ſáo-
ghuil; cuimhdeochtháoi é mar fheúſda
maille ré hórdughadh ſíorruidhe.
15 Seachd lá íoſtáoi arán gan laibhín:
eadhon an chead lá cuirfidhe amach an
laibhín as bhur ttighthibh: óir ciodh bé
ar bhith íoſas arán laibhín ón chead lá go
nuige an ſeachdmhadh lá, gearrfhui-
ghear amach an tanam ſin ó Iſrael.
16 Agus an chead lá bíodh aguibh
comhghairm náomhtha, & air a ſeachd-
mhadh lá comhghairm náomtha mar an
ccéadna: ní dhéantar éinghné oibre ionta
achd amháin an ní chaithſeas gach aon-
duine dithe, ſin amhain is éidir libh a
dhéanamh.
17 Agus cuimhdeochtháoi féuſda a na-
ráin gan laibhín, óir is ann ſa ló chéad-
na ſin tug miſi bhur ſluagh amach as
crîch na Hégipte; uime ſin coimhéud ſaoi
an láſa feadh bhur ſáoghuil maille re
hórdughadh ſíorruidhe.
18 Ann ſa chéad mhí ar an cceath-
ramhadh lá déug don mhí trathnóna
íoſtáoi arán gan laibhín, nó go tti
an táonmhadh lá fichiod don mhí
tráthnóna.
19 Ar feadh ſeachd lá ní fhuighthear
laibhín ar bith an bhur ttighthibh: óir
gidh bé ar bith íoſas arán laibhín, gearrfui-
ghear go háirighe an tanamſin amach ó
choimhthionól Iſrael, madh coimhigheach
é nó duine rugadh ſan tír.
20 Ní íoſtai éinni ar a mbía lai-
bhín: an bhur nuile thigthibh íoſtáoi
arán gàn laibhín.
21 Ann ſin do ghoir Maóiſi ar uile
ſhinnſear Iſrael, agus a dubhairt ríu:
tigidh amach, agus glacuidh chuguibh
úan do rèir bhur muinntire & marbhuidh
an túan-caſg.
22 Agus glacaidh ceanglachán ío-
ſóipe, agus tumaidh è ſan bhfuil, noch
bhías annſa bhaiſín, agus buáilidh an
fárdorus, agus an dá urſuinn leis an bhfuil
bhías annſa bhaiſín, agus ni rachuidh
áonduine

áonduine aguibh amach as dorus a thighe
go maidin.
23 Oir rachaidh an tighearna ar fad
do bhúaladh na Hégipte; agus a nuáir
do chife sé a nfuil ar a bhfárdorus, agus
ar a dá ursainn, géubhuidh an tighearna
thar a ndorus. agus ni léigfe don mhill-
teóir teachd a steach ann bhur ttighthibh
dá bhur mbúaladh.
24 Agus coinneochtháoi so mar ór-
dughadh dhaóibh féin agus dá bhur
ccloinn go bhráth.
25 Agus teigeomhuidh, a nuáir thi-
ucfuidhe ann sa dúthaigh bhéuras an ti-
ghearna dhibh do réir mar do gheall sé,
go ccuimhdeochtháoi an tserbhíse.
26 Agus teigeomhuibh a nuáir a déa-
ras bhur cclann ribh: ciodh as ciall
daóibh annsa tserbhíse?
27 Go naibeortháoisi gurob í sin iodh-
buirt chásg an tighearna, noch do shea-
chuin tighthe chloinne Israel san Né-
gipt, a nuáir do bhuáil se na Hégiptigh,
agus do sháor ar dtighthenne; agus do
chromadar an pobal a ccinn, agus do
adhradar an tighearna.
28 Agus do imthigheadar clann Is-
rael, & do rinneadar mar do aithin an
tighearna do Mhaóisi, agus do Aáron:
is mar sin do rinneadar.
29 Agus táinic a ccrich san mea-
dhon oidhche gur bhuail an tighearna
a nuile chéidghin san Négipt, ó chéidghin
Phárao noch do shuidh na chathaóir río-
gha, go céidghin na braighde do bhí san
phriosún, agus a nuile chéidghin na
hairnéisi.
30 Agus do éirigh Phárao san noidhche,
é féin agus a mhuinntir uile, agus na
Hégiptigh uile, & do bhí gáir ghuil
mhóir san Négipt: oir ní raibh tigh gan
duine marbh ann.
31 Agus do ghoir sé ar Mhaóise agus
ar Aáron san noidhche, agus a dubha-
irt riú, éirgidh súas, agus imthigh
amach ó bheith a measg mo Phobail,
sibh féin agus clann Israel: & éirgidh,
déanuidh serbhís don tighearna mar a
dubhrabhair.
32 Mar an gcéadna beiridh bhur
ttréada & bhur nealbhadha libh, mar a
dubhrabhair, agus ímthighidh: & beannui-
ghidh misi mar an gcéadna.
33 Agus do bhadur na Hégiptigh du-
thrachtach ar an bpobal chum go
gcuirdís amach as a talamh íad, go
deithneasach: óir a dubhradar, as da-
óine marbha sinn uile.
34 Agus rugadar na daóine a ttáos
leó, súil do bhí sé a laibhín, air mbeith
dá loistibh fuinte ceangailte súas a
néaduighibh ar a ngúaillibh.
35 Agus do rinneadar clann Israel do
réir bhréithre Mhaóise, agus do airlicea-
dar óna Hégiptibh seóid airgid agus
seóid óir, agus éaduighe.
36 Agus tug an tighearna fabhar
don phobal a bhfiaghnuise na Négip-
teach, ionnus go ttugaidís dóibh
neithe do íarradar orra; agus do shla
dar na Hégiptigh.
37 Agus do ghluaiseadur clanna Isra
ó Rameses go Succot timchioll sé c
míle fear dá ccois, taobh amuigh d
leanbuibh.
38 Agus do chuadar mórán dao
cumaisce leó súas, agus tréada agus ealbh
adha, romhóran áirnéise.
39 Agus do bhruitheadar bairghea
gan laibhin don táos noch thugadar le
amach as a Négipt, óir ní raibh laibh
air: óir do dingeadh amach as a N
gipt iad, agus níor fhéadadar fuireac
ní mó do ullmhuigheadar bíadh ar b
dhóibh féin.
40 Agus cuáirt chloinne Israel, no
do chomhnuigh san Négipt, bá ceit
chéad, agus tríochad bliadhan é.
41 Agur tárlá ar gríochnughadh
gceithre ccéad agus na ttríochad bl
dhan, an lá sin féin, go ttáinic a gc
gur imthigheadar sluagh an tighea
uile amach as a Négipt.
42 Is oidhche sin re coimhéid
mór don tighearna, ar son a t
bhairtsion ámach as crích na Hégip
sí so a noidhche sin an tighearna
na coimhéad ag clannuibh Israel uile a
a ngeinealachuibh.
43 Agus a dubhairt an tighearna
Maoise, agus re Haaron: se so or
ghadh na cásg: ní íosaidh coimh
theach ar bith dhe.
44 Ach serbhíseach gach áondui
ceinneachthar ar airgead, a n
thimchillghearsus tú é, ann sin íosai
sé dhe.
45 Fear éanuáire nó serbhíse
túarusduil ni íosuidh sé dhe.
46 A néntigh amháin íostar é;
bhéura tú éinní do nfeóil amach a
tigh, ni mó bhrisfidhe cnáimh dhe.
47 Do dhéanuid coimhthionol chloin
Israel uile é.
48 Agus a nuair do dhéana coim
ghtheach comhnuighe ad fhochair a
choimheadsas an chaisg don tighearn
timchillghearthar a chlánn mhac u
agus ann sin tigeadh a bhfogus a
coimhéadadh é, agus biaidh sé m
aon bhearthar san tír: oir ni íosai
éainneach gan timchillghearradh é.
49 Endligheadh amhain bhías ag an
bhearthar san tír, & ag an ccoimhi
theach choimhneochus bhur bhfocair.
50 Marso do rinneadur clann Is
el, sa mar do aithin an tighearna
Mháoise agus do Aáron; mar sin
rinneadur.
51 Agus tarla an lá sin féin, go t
an tighearna clann Israel amach a
Négipt ré na slúaghuibh.

CAIB. XIII.

Dísleachd an phobuil do Dhia, ar na dhaingniughadh. 21. Stiúradh agus didean Dé orra tres an dá cholumbna, neill agus theineadh.

AGus do labhair an tighearna re
Maóise, ag radh.
2 Coisrig dhamhsa gach én chéd-
ghin; gidh bé ar bith fhoisceolus an
bhrú a measc chloinne Israel, idir
dhuine agus bheathach, is liomsa é.
3 Agus a dubhairt Maóisi ris an
bpobal, cuimhnighidh an lá so a ttan-
gabhair amach as a Négipt as tigh na
daóirse: óir is maille re neart láimhe
thug an tighearna amach sibh as a náit-
se: ní hiosfar arán laibhin.
4 San ló aniugh thangabhair amach,
a mí abib.
5 Agus teigéomhuidh á nuair bhéurus
an tighearna sibh go crích na Gcana-
niteach, agus na Hititeach, agus na
Namoritech, agus na Hibhíteach, & na
Iebusiteach, noch do mhionnuigh sé dod
aithribhsi go ttiubhradh dhuit fearann
sa thuile bhainde agus mheala, go
gcoimhéadfuidh tú an tserbhísi ann sa
mísé.
6 Seachd lá iósas tú arán gan lai-
bhin, agus annsa seachdmhadh lá, biaidh
lá saoire don tighearna.
7 Arán gan laibhin ióstar seachd lá,
agus ní faicfidhear arán laibhin agad,
agus ní mó cifidhear laibhin agad an do
cheathramhnuibh uile.
8 Agus inneósa tú dod mhac ann sa
lósin ag rádh, [do rinneadhso] do chionn
an neithe do rinne Dia riumsa, a nuáir
tháinic mé amach as a Négipt.
9 Agus biáidh mar comhartha dhuitsi
ar do láimh, agus mar chuimhne
eidir do shúilibh, ionnus go mbia
dligheadh an tighearna ad bheul: óir
is lé láimh láidir thug an tighearna
amach as a Négipt thú.
10 Cuimhdeocha tú ar a nadhbhursin
an tórdughadhsa na am féin ó bhliadhuin
go bliadhuin:
11 Agus teigeomhuidh a nuáir bhéu-
rus an tighearna thú go crích da Gcan-
anitech, fá mar mhionnaidh sé dhuit
féin agus dod aithribh, agus do bhéura
sé dhuit é:
12 Go ccuirfe tú ar leith don ti-
ghearna, a nuile ghein oscius an bhrú,
agus a nuile chéadthuismeadh thig ó
bheathach, noch is leachtsa, na firionn-
aigh is leis an ttighearna.
13 Agus gach en chéd shearrach as-
ail fuáisgeóla tú é le húan, agus
muna fhúasglair é, ann sin brisfe tú
a mhuinéul: agus a nuile chédghein
bhearthair do dhuine a measg do chlo-
inne, fuáisgéola tú é.
14 Agus biáidhsin a nuair fhiafro-
chas do mhac dhiot sa naimsir atá ag
teachd, ag rádh, cread é so? go naibé-
ora tú leis, le neart láimhe thug an ti-
ghearna sinne amach as a Négipt ó
thigh na daóirse.
15 Oir tarla a nuair fír dheacair le
Phárao léigean dúinn imtheachd, gur
mharbh an tighearna a nuile chédghin
a ccrích na Hégipte, araon cédghin an
duine agus cédghin a nainmhidhe: uime
sin do nim iodhbuirt don Tighearna, a
nuile fhirionnach fhosclas an bhrú; ach
cédghin mo chloinne fúasgluim.
16 Agus biaidh na chomhartha ar do
láimh, agus mar éadanán idir do shúi-
libh: óir le neart láimhe thug an ti-
ghearna amach sinn as a Négipt.
17 Agus tárla, a nuair do léig Phá-
rao don Phobal imtheachd, nach ar
thréoruidh Dia iad tré shlighe na Bhphi-
listíneach, gidh go raibh sin aithghearr:
óir a dubhairt Día, deágla go tteigéo-
mhadh go mbía aithreachus ar an bpo-
bal a nuair do chífidís cogadh, agus go
bhfillfeidís do Négipt.
18 Ach do thréoruidh Día an pobal
fá ccuáirt tré shlighe fhásuigh na mara
ruáidhe, agus do chúadur clann Israel
súas éidighthe amach as crích na Hé-
gipte.
19 Agus rug Maóisi cnámha Jóseph
leis: óir tug sé mionna ar chloinn Is-
rael ag radh, tiucfa Día go deimhin dá
bhur bhfíosrughadh, agus béurthaói mo
chnámhasa as so libh.
20 Agus do ghluáiseadar ó Succot, agus
do rinneadar foslungphuirt a Netam, a
nimeal a nfásuigh.
21 Agus do chuáidh an tighearna
rompa san ló a bpileir néill, do mhú-
nadh na slígheadh dhóibh, & sa noidh-
che a bpileir thineadh, do thabhairt so-
luis dóibh, do imtheachd do ló agus
doidhche.
22 Nior chorruigh sé úatha an piléir
néill san ló, nó an piléir tineadh sa na-
idhche, as fiadhnuise an phobuil.

CAIB. XIV.

Báthadh na Néigipteach, ag gérleanmhuin Israel.

AGus do labhair an tighearna ré Ma-
óise, ag radh.
2 Labhair lé cloinn Israel go bhfillid,
agus go ndéarnaid campa as coinne Phi-
hahirot, eidir Migdol, agus a nfairge,
thall ar aghuidh Baal-sephon; as a
choinne do dhéantaói campa láimh ris a
nfairge.
3 Oir a déara Phárao a ttaobh chlo-
inne Israel, atáid siad air seachrann
san tír: do iadh an fásach na ttim-
chioll:

4 Agus

4 Agus cruáidheocha miſi croidhe Phárao, ionnus go leanfuidh ſé iad, agus do gheabhadſa glóir a dtimchioll Phárao, agus a ſhlóigh uile; chor go mbía a ſhios ag na Hégiptibh gur mé an tighearna: agus do rinneadar ſin.

5 Agus do hinnſeadh do Rígh na Hégipte gur theitheadur an pobal: agus do cláochlóidheadh croidhe Pharao agus a mhuinntire a naghuidh an phobuil, agus a dubhradar, créad ſá ndearnamar ſo? as ar léigeamar Iſrael dimtheachd as ar ſerbhís.

6 Agus do réighidh ſeſion a charbad, agus rug a mhuintir leis.

7 Agus rug leis ſé céad carbad tóghtha, agus carbuid na Hégipte uile, agus ceann feadhna os cionn gach éanchoda dhíobh.

8 Agus do chruáidhigh an tighearna croidhe Phárao Rígh na Hégipte, agus do ghluais ſé a ndiáigh chloinne Iſrael: agus do chúadar clanna Iſrael amach lé láimh áird.

9 Achd do leanadar na Hégiptigh ná ndiáigh, (eich agus carbaid Phárao, agus a mharcſhlúagh agus a ſhlúagh uile) agus rugadar orra a ccampa chois na fairge, ré táobh Pihahirot as coinne Baal-ſephon.

10 Agus a nuair tháinic Phárao láimh ríu, do thógbhadar clann Iſrael a ſuile ſúas, agus féuch do ſhíneadur na Hégiptigh na ndiáigh, agus do bhádurſan lán deagla: águs do éimhgheadur clann Iſrael ar an ttighearna.

11 Agus a dubhradar re Maóiſe, do chionn nach rabhadar uaighe ſa Négipt thug tú leachd ſinn dfagháil bháis ſan bhfáſach? cread ſá ndéarna tú marſo rinn, ar ttabhairt amach as a Négipt?

12 Nach é ſo an focal do innſeamar dhuit ſa Négipt, ag rádh, léig dhuinn ſerbhís a dhéanamh do na Hégiptibh, óir do bfearr dhúinne ſerbhís do dhéanamh do na Hégiptibh, ná bás dfagháil ſan bhfáſach.

13 Agus a dubhairt Maóiſe ris an bpobal, ná biodh eagla oruibh, fanuidh bhur ſeaſamh, agus féuchuidh tárthail an tighearna, noch thaisbéanfás ſé dhibh a niugh: óir na Hégiptigh do choncabhair a niugh, ní ſhaicfidhe iad a rís do bráth.

14 Troidfidh an tighearna ar bhur ſon, agus beithiſe bhur ccomhnuighe.

15 Agus a dubhairt an tighearna re Maóiſe, cread ſa néimhgheann tú orumſa? abuir ré cloinn Iſrael dul ar a naghuidh.

16 Achd tógſa ſúas do ſhlat, agus ſín amach do lámh ós cionn na fairge, agus roinn í: agus imeochuid clann Iſrael ar talumh tirim tré lár na fairge.

17 Agus féuch crúaidheochaidh miſi croidhe na Négiptach, agus leanfuid iad, agus do geabhadſa glóir a ttimchioll Phárao, agus a ſhlóigh uile, a
ar a charbaduibh agus ar a mha
ſhluagh.

18 Agus aitheonuid na Hégiptigh
mé an tighearna, a nuáir do gheab
mé onóir ar Phárao, ar a charbadu
agus ar a mharcſhluagh,

19 Agus aingeal Dé noch do b
roimhe Champa Iſrael, do atharruigh
agus do chuáidh na ndiáigh.

20 Agus táinic idir champa na H
gipteach agus campa Iſrael, agus
bhí na néull, agus na dhorcha
dóibh ſúd, agus na ſholus dóibh
ſa noidhche, ionnus nach dtáinic cea
ar dhíobh a ngar a chéile ar feadh
hoidhche:

21 Agus do ſhin Maóiſe a lá
amach ós cionn na fairge, agus
an tighearna ar an bhfairge dul (
hais) lé gáoith láidir a noir, ar fe
na hoidhche ſin, agus do rinne a nf
na talamh thirim, agus do roinne
na huiſgidhe.

22 Agus do chúadar clann Iſra
lár na fairge ar an ttalamh thirim,
do bhádur na huiſgidhe na mb
dhóibh ar a láimh dheis agus ar a c

23 Agus do leanadur na Hégip
íad, agus do chúadar na ndiáigh go lá
fairge, eadhon eich Phárao uile, a c
buid, agus a mharcſhluagh.

24 Agus táinic timchioll fhaire
maidne gur fhéuch an tighearna ar
aghuibh na Négipteach thríd an b
tineadh, agus an néull, agus gur
aidhir ſlúagh na Négipteach.

25 Agus do bhean a mach roith
na gcarbad, gur thairngeadar íad
trom, ionnus go ndubhradar na
giptigh, teitheamáoid as lathair
rael: óir atá an tighearna ag troi
a ſon a naghuidh na Négipteach:

26 Agus a dubhairt an tighearna
Maóiſi, ſín amach do lámh ós cion
fairge, ionnus go ttigid na huiſgidh
rís ar na Hégiptibh, ar a ccarbad
agus ar a marſhluagh.

27 Agus do ſhin Maóiſe a lámh
mach ós cionn na fairge, agus do
a nfairge iona néart féin a nuáir
fhoillſigh an mhaidin, agus do t
theadar na Hégiptigh na haghai
agus do bháith an tighearna na Hégip
a lár na fairge.

28 Agus do fhilleadur na huiſgi
agus do ſholchadar na cárbuid,
an marcſhlúagh, agus ſlúagh P
rao uile, noch tháinic ſan bhfa
na diáigh: níor fagbhadh éinn
dhiobh [na bheathaidh.]

29 Agus do imtheadar clann Iſra
talamh tirim a lár na fairge, agus
bhádur na huiſgidhe na mballa dh
ar a láimh dheis, agus ar a cclé.

30 Mar ſo do ſháor an tighea
Iſrael an lá ſin as lámhuibh na
gipteach, agus do chonnuirc Iſrael

Hegiptigh marbh ar thràigh na fairge.
31 Agus do chonnairc Israel a no-
bair mhór sin do rinne an tighear-
na ar na Hégiptibh, agus do bhí eagla
an tighearna ar an bpobal, agus do
chreideadar an tighearna, agus a sher-
bhíseach Maóise.

CAIB. XV.

Caithreim Mháoisi, Israel, agus Mhiriam.
23 Ceud gearan an phobail ag na huisgea-
chaibh searbha.

ANn sin do ghabh Maóise, agus
clann Israel an dánsa don ti-
ghearna, agus do labhradar, ag rádh,
Geubha mé dán don tighearna; óir
rug sé búaidh go glórmhar, an
teach agus an marcach do theilg sé san
bhfairge.
2 Asé an tighearna mo neart agus
mo dhán, agus do bhí sé na thárthail
damh: is eision mo Dhía, agus do
dhéana mé áit comhnuighe ullmhughadh
dhó: Día mathar, agus airdeocha me é.
3 Is fear coguidh an tighearna; sé
an tighearna is ainm dhó.
4 Do theilg sé carbuid Phárao,
agus a shluagh san bhfairge: atáid
fós a chaiptínigh toghtha báite san
mhuir ruáidh.
5 Do fholchadar na haigéin
íad, do shuigeadh aníochdar íad mar
chloich.
6 Do rinneadh do lámh dheas, ó
a thighearna, glórmhar a ccumhachd:
do bhris do lámh dheas, ó a tighearna,
an námhuid na mbloghuibh.
7 Ré méud hoirdhearchuis do chlaoidh
tú iad, noch do éirigh súas ad aghaidh: do
chuir tú tfhearg amach, noch do
chnáoi íad mar chonlach.
8 Agus le séideadh do shróna do
cruinnigheadh na huisgidhe a ccionn a
chéile: do sheasadar na tuilte súas mar
chruaich, agus do ceangladh dhá cheile
na haigéin a ninnmheadhon na fairge.
9 A dubhairt an namhuid, leanfad,
béarad orra, roinnfead a néadail; sas-
fuidhear manntoil orra, tairreonga mé
mo chloidheamh, sgriosfuidh mo lámh íad.
10 Do sheid tú lé do ghaóith, do fho-
luigh a nfairge íad: Do chúadar faói
amhuil luáighe ann sna huisgidhibh laidre.
11 Cía as cosmhuil riot, a thighearna,
a measc na Ndée: cía as cosmhuil riot,
glórmhar a naomhthachd, eaglach a
moltuibh, ag déanamh iongantadh.
12 Do shín tú amach do lámh dheas,
do shluig an talamh íad.
13 Dó threóruigh tusa ann do thró-
caire an pobal noch fhúascuil tú: tug
tú éolus dóibh ann do neart chum hái-
tribh náomhtha.
14 Cluinfid an pobal agus biáidh
eagla orra: géubha dóbrón greim ar
aitreóiribh phalestína.
15 Ann sin béid Duibhcidhe Edom
lán diongantus: daóine cumhachdacha
Moab, géubhuidh crith greim orra:
leighfid áitreóirigh Chanaain uile.
16 Tuitfidh uamhan agus eagla
orra: lé méid do laimhe béid siad
tochdach mar chloich, no go ndeachuidh
do phobalsa thairis, a thighearna, no
go ndeachuid an pobal thairis, noch do
cheannuigh tusa.
17 Do bheara tú a steach íad; agus
suidheocha tú íad a sliabh hoighre-
achda: annsa náit, a thighearna, do
rinne tú dhuit fein chum comhnuighe
ann: annsa tsanctóra, a thighearna, nóch
do dhaingnigheadar do lámha.
18 Biáidh an tighearna a ríoghachd
go saoghal na saoghal.
19 Oir do chuáidh each Pharao
a steach gon a charbaduibh agus gon
a mharcshluagh san bhfairge, agus túg
an tighearna uisgidhe na fairge a rís
orra: ach do imthigh clann Israel ar
talamh tirim a meadhon na fairge.
20 Agus Miriam an bhanfháigh,
dearbhshiúr Aáron, do ghlac sí tiompán
na láimh, agus do chúadar na mná uile
amach na diáigh maille re céol agus re
damhsa.
21 Agus do fhreagair Miriam íad,
canuidh don tighearna. oir rug sé búaidh
go glórmhar; an teach agus an mar-
cach do theilg sé san bhfairge.
22 Marsin tug Maóise Israel ón
mhuir ruáidh, agus do chuádar go fá-
sach Súr. agus do shiubluigheadar trí
lá san bhfásach, agus ní fhúaradur
uisge.
23 Agus a nuáir thangadar go Má-
rah, níor fhéadadar uisgidhe Mhárah ól;
oír do bhádar searbh: uime sin tugadh
Márah dainm air.
24 Agus do rinne an pobal munbhar
a naghuidh Mhaóise, ag rádh, créad
ibhiom.
25 Agus do éigh seision ar an
ttighearna, agus do thaisbéin an tí-
ghearna crann dó, noch a nuair do
chaith sé is na huisgidhibh, do rinneadh
na huisgidhe milis: annsin do rinne sé
gnáth, agus ordúghadh, agus is ann sin
do dhearbh sé íad.
26 Agus a dubhairt, má éisteann tú
go dúthrachdach re guth an tighearna
do Dhía, agus do ndéana tú an ní is
ceart na radharc; agus go ttiubhra tú
aire dá aitheantuibh, agus go gcuimh-
deocha tú a reachda uile: ni chuirfe me
énni dona heasláintibhsi oruibh, noch
thug mé ar na Hégiptibh: óir is misi
an tighearna leighisios tú.
27 Agus tangadur go Hélim mar
a rabhadar dhá thobar dheúg uisge,
agus deich agus trí fichid crann Pailme
agus do rinneadar comhnuidhe an sin
láimh ris na huisgidhibh.

CAIB.

CAIB. XVI.

An dara uair do dhearnadar clann Iſrael mún-bhar, eadhon, iomaſ fheóla. 4 Do Chuir Dia ſáth gearghuirt & Manda, chuctha.

AGus do ghluáiſeadar ó Elim, agus
táinic comhchruinneaghadh chloin-
ne Iſrael uile go fáſach Sin, noch atá
idir Elim agus Sinai, an cúigeadh
lá déug don dara mí, tar éis a tte-
achd as crích na Hegipte.
2 Agus do rinneadur comhcruinni-
ughadh chloinne Iſraél uile munbhar a
naghaidh Mhaóiſe agus Aároin ſan
bhfáſach.
3 Agus a dubhradur clann Iſra-
el ríu; do bfearr linn go bhfaghmáois
bás re láimh an tighearna a gcrích
na Hégipte, a nuáir do ſhuigheamar
láimh ré potuighibh na ſéola, agus
a nuair do ithmis arán ar ſáith: óir
tug ſibhſi amach ſinn ſan bhfáſach ſo,
do mharbhadh na coimhthionalaſa uile
lé hocrus.
4 An ſin a dubhairt an tighearna re
Maóiſe, ſéuch, fearſa miſi arán ó
neamh dháoibh, agus rachuid na
dáoine amach, agus cruinneochuid ſuim
áirighe gach lá, go ndearbha mé íad,
an ſiubholuid ann mo dhligheadh, nó
nach déanúid.
5 Agus tiucfaidh a ccrich an ſei-
ſeadh lá, go nullmheochuid an ní do
bhéuruid léo a ſteach; agus biáidh ſé
fá dhó ní is mó na an ní chruinnighid go
láetheamhuil.
6 Agus a dubhairt Maóiſe agus
Aáron ré cloinn Iſrael uile; tráthnó-
na, ann ſin aitheóntáoi gur bé an tigh-
earna thug amach ſibh as crích na Hé-
gipte.
7 Agus ar maidin ann ſin do chi-
fidhe glóir an tighearna; óir dó chluin
ſé bhur munbhar a naghaidh an tighear-
na: agus créad ſinne, as a ndéanadh
ſibh munbhar ar naghuidh?
8 Agus a dubhairt Maóiſe, biaidh
an ní marſo, a nuáir do bheura an
tighearna dhíbh tráthnóna ſéóil re
ithe, agus ar maidin arán bhur ſáith;
do chionn go gcluin an tighearna bhur
munbhar, noch do nithí do mhunbhar na
aghuidh: óir ciodh ſinne? ní ar
naghuidhne atáid bhur munbhar, achd a
naghuidh an tighearna.
9 Agus do labhair Maóiſe ré Haá-
ron, abair ré coimhthionól chloinne
Iſrael uile, tigidh a bhfogus a láthair
an tighearna: óir do chúaluidh ſé bhur
munbhar.
10 Agus tárla, mar do labhair Aáron
le coimhthionol chloinne Iſrael uile,
gur ſhéuchadur a leith a nfáſaigh,
agus ſéuch, do ſhoillſigh glóir an
tighearna annſa néull.
11 Agus do labhair an tighéarna re
Maóiſe, ag rádh.
12 Do chúala mé munbhar chloinne Iſ-
rael: labhair ríu ag rádh, tráthnóna
ioſtáoi feóil, agus ar maidin lí-
ſuighear le harán ſibh, agus ait-
óntáoi gur miſi an tighearna bhur
Ndía.
13 Agus tárla trathnóna, go ttan-
dar na gearraghuirt ſúas, agus go
fholuigheadar an campa: agus
maidin do luigh an drúchd fá gcuáirt
dtimchioll an tſluáigh.
14 Agus a nuair do imthigh an
drúchd ſúas, noch do luigh: féuch,
luigh ar ghnúis an fháſuigh ni beag cru-
coimh mion ris an tſioc liath ar
talamh.
15 Agus a nuáir do choncad-
clann Iſrael é, do ráidheadar an d
re chéile, is Manna é: óir ni raibh
a fhios aca créad é: agus a dubh-
airt Maóiſe ríu, ag ſo an ta
thug an tighearna dhaóibh ré ithe.
16 A ſé ſo an ní noch do ait
an tighearna: cruinnigheadh g
áonduine dhe do réir mar ioſas
Omer dá gach áonduine, do
uibhire bhur nanmann; beiridh
gach áonduine aguibh chuca ſin ata
bhur lóiſtinibh.
17 Agus do rinneadar clann Iſra
ſin, agus do chuinnigheadar cuid ní
lugha, agus cuid ní bá mó.
18 Agus a nuair do thoimhſea
é le omer, an té do chruinnigh iom
cuidh, ní raibh éainni dá bharr a
agus an té do chruinnigh beagan, n
theaſda éainni uadh: do chruinnigh ga
áon acá do réir mar do íoſadh ſé.
19 Agus a dubhairt Maóiſe
na fágbhadh áonduine ní dhe a ccoi
na maidne.
20 Gidheadh níor éiſdeadar ré Ma
ſe, ach do fhág cuid dhiobh ní d
go maidin, agus do rinneadh cnumha dh
agus do bhréun ſé; agus do b
Maóiſi feargach riú.
21 Agus do chruinnigheadar é ga
éanmhaidin, gach áon do réir mar d
íoſadh ſé: agus a nuáir do laſadh a
ghrían do leaghadh ſé.
22 Agus tárla ar a ſeiſiodh l
gur chruinnigheadar dhá uirid arán
dhá omer gach áonduine aca: ag
tangadar uachdaráin an choimhthion
uile, agus do innſeadar ſin do Mhaóiſe.
23 Agus a dubhairt ſé riú, ſe
ann ní a dubhairt an tighearna,
márach atá ſuáimhneas na ſaoire na
mhtha don tighearna: bruith
a niugh an mhéid aráin bhruithfigh
agus bruithigh an mhéid feó
bhruichfidhe: & an mhéid bhias ó
chionn ſin, cuiridh ſúas dibh féin d
chumhdach go maidin é.
24 Agus do chuireadar ſúas é
dtaiſcigh go maidin, mar do aith
Maó

...aoiſi dhíobh, agus níor bhréun ſé a-
...s ní raibh én phéiſt ann.
25 Agus do ráidh Maóiſe : ithidh
...n a niugh ; óir is Sabóid don tighear-
...a an lá a niugh : ní bhfuigthí a
...iugh é, annſa mhachaire.
26 Sé la chruinneochtháoi é, achd
...n ſeachdmhadh lá, noch atá na
...háoire, ni bhía ſé ann.
27 Agus tárla, go ndeachadar
[cuid] don phobal amach an ſeachdmhadh
lá, do chruinniughadh, agus ni fhúara-
...dar éinni.
28 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe, gá fad bheithi ag diultadh
...aitheantadh, agus mo dhlighthe do
...hoimhéud.
29 Féuch, ar a ſhon ſo tug an ti-
...hearna an Tſabóid dháoibh, uime ſin
...o bheir ſé dháoibh air an ſeiſeadh
...á arán dha lá : fanadh gach áon
...guibh na áit ; ná héirgeadh einneach
...guibh amach air a ſeachdmhadh lá.
30 Mar ſin do fhoſadar an pobal
...ir an ſeachdmhadh lá.
31 Agus do ghoir teagh Iſrael
Manna dhé ſin mar ainm : agus do
bhí ſé geal mair ſhíol Coriander, agus
...bhlas coſmhuil ré abhlainn do dhéan-
...áoi ré mil.
32 Agus a dubhairt Máoiſe, ſé ſo
...n ní aithnighios an tighearna ; líonu-
...dh ómer dhé dá choimhéud fá choinne
...hur ſleachda ; ar chor go bhfaicfidh
...iad an tarán lear bheathuidh mé ſibh
...n bhfáſach, a nuáir thug mé amach
...bh as talamh na Hégipte.
33 Agus a dubhairt Maóiſe ré
Aaron, glac póta agus cuir lán
...mer do Mhanná ann, agus cuir a
...fiaghnuiſi an tighearna é, dá choimh-
...d do bhur ſleachduibh.
34 Fá mar do aithin an tighearna
...o Mhaóiſe, mair ſin do chuir Aaron
... é as coinne na fiadhnuiſe dá
...umhdach.
35 Agus a duadur clann Iſrael Manna
...athrachad bliadhan, nó go ttanga-
...r go tír áitreabha : do bhádar ag
...e Manna, nó go ttangádar go
...oruinn thíre Chánaain.
36 Omer annois ionnan í agus an
...achmhadh cuid do ephah.

CAIB. XVII.

...latb an phobail an treas uaire: 5 Tug Dia
uiſge dhoibh as carraig Hóreb. 8 bhúadh-
...gheadar ár Amalec (an ceud namhad)
tré urnaighe Mhaoiſe.

AGus do ghluáiſeadur comhchruinni-
ughadh chloinne Iſrael uile ó
...lach Sin tar éis a naiſtior do réir
...ne an tighearna, agus do chuireadar
...adh a Rephidim : agus ní raibh uiſge
...n bpobal ré na ól.

2 Uime ſin do labhradar an pobal
ré Maóiſe go géur, agus a dubhradar,
tabhair dhuinn uiſge go nibhimís é ; a-
gus a dubhairt Maóiſe ríu, cred fá
ccáintí miſi, créad as a ccurtháoi ca-
thughadh ar an dtighearna?
3 Agus do bhí tart uiſge ar a
bpobal, agus do rinneadar an pobal
ithiomradh a naghuidh Mhaóiſi, agus a
dubhradar, cred fá ttug tú leachd ſinn
ſúas as a Négipt dar marbhadh, agus
do mharbhadh ar gcloinne, agus ar
náirnéiſi le tart.
4 Agus do éigh Maóiſe ar an tti-
ghearna, ag rádh, créud do dhéuna mé
ris an bpobalſa, is beag nach bhfuilid
a ninmhe gabhála do chlochuibh orum?
5 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe, imthigh romhad a lathair an
phobail, agus beir leáchd do ſhinſearuibh
Iſrael, agus an tſlat lear bhuail tú
a nabhann beir leachd ad láimh í, agus
imthigh.
6 Féuch, ſeaſa miſi romhad ann
ſin ar an gcarruig ann Hóreb, agus
buáilſe tuſa an charrag. agus tiucfaidh
uiſge amach aiſte, da nibhidh an
pobal deoch : agus do rinne Maóiſe ſin
a lathair ſhinnſear Iſrael.
7 Agus do ghoir ſé ainm na háite
Maſſah, agus Meribah : do chionn
cháinte chloinne Iſrael, agus do chionn
gur chuireadar cathughadh ar an dti-
ghearna, ag rádh, an bhfuil an tighearna
ar meaſg, nó nach bhfuil ?
8 Ann ſin thainic Amelec a-
gus do throid ſé ré Iſrael ann Re-
phidim.
9 Agus a dubhairt Maóiſe ré Jo-
ſua, tógh dhuinn amach dáoine agus
troid re Hamalec, a márach ſeaſfa miſi
ar mullach an chnuic maille ré ſlat Dé
am láimh.
10 Mar ſin do rinne Joſua mar a
dubhairt Maóiſe ris, agus do throid ſé
ré Hamalec, agus do chuáidh Maóiſe
agus Aáron, agus Hur ſuas a mullach
an chnuic.
11 Agus tárla a nuáir do chonnuimh
Maóiſe a lámh ſúas, go rug Iſrael buaidh,
agus a nuáir do léig a lámh ſíos, do rug
Amalec buaidh.
12 Achd do bhádar lámha Mhaóiſe
trom, agus do ghlacadar cloch agus
do chuireadur fáoi Mhaóiſe, agus do-
ſhuigh ſé uirre, agus do chonnuimh Aáron
agus Hur a lámha ſúas, áon diobh ar
tháobh dhe, agus áon ar tháobh eile, a-
gus do bhádur a lámha ſeaſmhach go dul
na gréine faoi.
13 Agus do chlaoidh Joſuá Amalec,
agus a dháoine le faobhar an chloidhimh.
14 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóiſe, ſgríobh ſo mar chuimhne ann a
leabhar, agus aithris é a gcluaſuibh Jo-
ſua : óir cuirfe mé as go hiomlán
cuimhne Amalec ó fáoi neamh.

15 Agus

15 Agus do thóg Maóiſe altóir, agus do ghoir Jehóvah Niſſi dainm dhi.

16 Oir a dubhairt ſe, do chionn gur mbionnuigh an tighearna go mbíadh cogadh aige ré Amalec ó gheinealach go geinealach.

CAIB. XVIII.

Táinic Jetro athair Chliamhuin Mhaoiſe dá fhioſrughadh. 13 Dabnſuigh Maoiſe da dheagh chombairle.

A Nuair do chualuidh Jetro ſagart Mhidian, cliamhuin Mhaóiſe, a nuile ní do rinne Día ar ſon Mhaóiſe, agus ar ſon Iſrael a phobál féin; agus go rug an tighearna Iſrael amach as a Négipt.

2 Ann ſin rug Jetro, cliamhuin Mhaóiſe, Sipporah bean Mhaóiſe leis tar éis a cor ar a hais.

3 Agus a días mac dar bhainm dáon díobh Gerſom; óir a dubhairt ſé, do bhí mé am choigcríoch a ttír choimthigh.

4 Agus dob é ainm an fhir eile Elieſer: óir dob é Día máthar mo chúngantach, agus do ſháor mé ó chloidheamh Phárao.

5 Agus táinic Jétro, cliamhuin Mhaóiſe, maille ré na mhacuibh agus lé na mhnáoi go Maóiſe don fhásach, mar a ndearna ſé foſlungphurt a ſliabh Dé.

6 Agus a dubhairt ſé re Maóiſe; miſi do chliamhuin Jéthro, thainic mé chugad, agus do bhean agus do dhías mac lé.

7 Agus do chuáidh Maóiſe a mach a ccoinne a chleamhna, agus do rinne umhla agus tug póg dhó, agus do fhiarfuigh gach neach dhiobh dá chéile cionnus do bhádar: agus tangadur don lóiſtín.

8 Agus do innis Maóiſe da chlíamhuin a nuile ní do rinne an tighearna ré Phárao agus ris na Hégiptibh ar ſon Iſrael, agus a nuile aiſdior dá ttainic orra ann ſa tſlighe, agus cionnus do ſháor an tighearna iad.

9 Agus do gháirdigh Jethro ar ſon na huile mhaitheaſa da ndearna an tighearna do Iſrael, noch do ſháor ſé as lámhuibh na Negipteach.

10 Agus a dubhairt Jétro, gó madh beannuighe an tighearna, noch do ſháor ſibh ó lámhuibh na Négipteach.

11 Annois aithnighim gur mó an tighearna ná a nuile Dhée: óir ann ſa ní ann ar bheanadarſan go huáibhreach [do bhí ſé] ós a ccionn.

12 Agus do ghlac Jethro cliamhuin Mhaóiſe ofráil loiſcthe, agus iodhbartha do Dhia, agus táinic Aaron agus ſinnſir Iſrael uile dithe aráin lé cliamhuin Mhaóiſe a bhfiaghnuiſi Dé.

13 Agus tárla ar na mhár gur ſuigh Maóiſe do bhreithniugh an phobail, agus do ſheaſadar pobal ag Maóiſe ó mhaidin go trá nóna.

14 Agus a nuáir do chonnairc cli mhuin Mhaóiſe a nuile ní do rinne ris an bpobal, a dubhairt ſé, cread an ſi do ní tú ris an bpobal? cread a ſuigheann tú féin ad áonar agus a pobal uile na ſeaſamh agad, ó mhaidin go tráth nóna!

15 Agus a dubhairt Maóiſe ré chlíamhuin, do chionn go ttig an pob chugam do cheaſnughadh um Dhia.

16 A nuáir bhías cúis aca ti chugamſa, agus beirim breath i gach dá rann, agus do bheirim o fios reachda Dé agus a dhlighe bheith aca.

17 Agus a dubhairt cliamh Mhaóiſe ris, an read do ni tú ní m é.

18 Cnáoife tú as go deimhin, án thú féin agus an pobalſa ad fhoch óir is rothrom an ní ſi dhuit, ní hé dhuit a chomhlionadh, thú féin ad áon

19 Eiſt annois ream ghuthſa: bhéura mé comhairle dhuit: agus bi Día maille riot: bídhſi ar ſon an p buil leath ré Día; chor go mbéur a ccúis go Día.

20 Agus múinſe tú órduigh agus dlighthe dhóibh, agus taisbé tú dhóibh an tſlighe ann a ccait ſiad ſiubhal, agus a nobair chait ſiad do dhéunamh.

21 Os a chionn ſo; gléaſſa tú an bpobál dáoine acfuinneacha, drong a mbí eagla Dé; dáoine fírinnea fhuathuigheas ſaint, agus cuir ós a cc iad, uachdaráin míleadh, uachda céad, uachdarain cáogad, agus uach ráin deithneamhuir.

22 Agus breathnuighidis an po ann gach uile am, agus is amhla bh go dtiubhruid chugadſa a nuile mhór, ach gach uile chúis bheag bre neochuid féin: mar ſin bhias ſoca lach dhuitſe, agus iomchoruidſion túalach) maille leachd.

23 Má ní tú an ní ſi, agus naitheonuidh Día ſin díot; ann bhus éidir leachd an túalach iom agus an pobalſa mar an gcéudna rach da náit féin a ſíothcháin.

24 Mar ſin do éiſt Maóiſe ré a chleamhna, agus do rinne a ndubh ſé uile.

25 Agus do thogh Maóiſe dáoine chubhuidh as Iſrael uile, agus do ri ſé uachdaráin díobh ós cionn an pho uachdaráin míleadh, uachdaráin c uachdaráin chaoghad, agus uachda dheithneamhuir.

26 Agus do nídís breitheamhnus a bpobal gach uile uáir: na cúiſe crua do bherdís go Maóiſe, achd gach chuis bheag do réighedis fein, 27

27 Agus do léig Maóiſe dá chli-
mhuin imtheachd, agus do chúaidh ſé
dá dhuthaigh ſein.

CAIB. XIX.

Thaisbein Dia é ſéin a nſliabb Sinai.
10 Dorduigh ſé do Mhaoiſe a iarraidh ar
an phobul a naombughadh ſein, accoinne a
reachd a fhaghala.

ANnſa treas mí a nuáir dó chuadar
clann Iſrael amach as crích na
Hégipte, an lá céadna thangadar go
fáſach Sinai.
2 Oir do bhádar ar nimtheachd ó Re-
phidim, agus tangadar go diothramh
Sinai, agus do chomhnuigheadar ſan
bhfáſach, agus ann ſinn do rinneadur
clanna Iſrael cómhnuighe as coinne
an tſléibhe.
3 Agus do chuáidh Maóiſi ſúas
go Dia: agus do ghoir Dia air, as
a tſliabh, ag rádh, is marſo deurá
tú re tigh Jácob, agus innis do chloinn
Iſrael.
4 Do chonncamhair cred do rinne mé
ris na Hégiptibh, agus cionnus do
iomchuir mé ſibhſi ar eitibh iolair, agus
cionnus tug mé chugam ſein ſibh.
5 Anois uime ſin má umhluighthigh
dom ghuth da ríribh, agus mo chunnradh
do chomhall, annſin beithí mar nion-
mhus ſpéſialta agam os cionn gach uile
phobal, óir is liomſa an talamh uile.
6 Agus beithi agum bhar rio-
ghachd ſagart, agas bhar gcineadh naomh-
tha: a ſiad ſo na bríathra labheoras
tú re cloinn Iſrael.
7 Agus táinic Maóiſe, agus do
ghoir ſé ar ſhinſearuíbh an phobuil, agus
do chuir as a ccoinne na bríathra ſo
uile, noch do aithin an tighearna dhe.
8 Agus do ſhreagradar an pobal uile
a néinſheachd, agus a dubhradar, a nuilé
ni do labhair an tighearna do dhéanuim
: Agus do ſhill Maóiſe bríathra an
phobuil chum an tighearna.
9 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóiſi, féuch, tigimſe chugad a neull
tiugh, chor go gcluinfid an pobal a
nuair laibhéorad riot, agus go
creidfid thú go bráth; agus do innis
Maóiſe bríathra an phobuil don ti-
ghearna.
10 Agus a dubhairt an tighearna
re Maóiſe, éirigh gus an bpobal agus
naómhuidh iad a niugh, agus a márach,
agus nighedis a néaduighe.
11 Agus bithi réigh a gcoinne an
treas lá: óir an treas lá thiucfas an
tighearna a núas a namharc an pho-
buil uile ar ſliabh Sinai.
12 Agus cuirfe tu teóranna ré
a ch d an phobail timchioll fa ccuáirt,
ag rádh, tugaidh aire dháoibh ſein,
nach rachthaoi ſúas ar an tſliabh,
nó nach beanfuidhe re na imeal; gidh
be bheanſus ris a tſliabh, go deimhin
cuirfighear chum báis é.
13 Ni bhainſe lámh ris, ach go dei
mhin clochfuighear, no goinfighear thríd
é, mas ainmhidhe é nó duine, ni mhairſe
ſé: a nuair ſheidfeas ſe an ſtoc go ſin-
teach, tiucfaid ſúas chum a tſléibhe.
14 Agus do chuaidh Maóiſe ſíos
ón tſliabh chum an phobuil, agus do
náomhuigh an pobal, agus do nígheadar
a néuduighe.
15 Agus a dubhairt ſé ris an bpobal:
bithi réidh a ccoinne an treas lá, ná
tigidh a ngar bhur mban.
16 Agus tárla an treas lá air
maidin, go rabhadar, tóirneacha agus
tinnteacha, agus neul tiugh ar a tſliabh,
agus guth an ſduic ro árd; ionnus gur
criothnuigheadar a raibh do dhaói-
nibh annſa champa.
17 Agus tug Maóiſe an pobal
amach as an ccampa do theagmhail re
Día, agus do ſheaſadar ag an gcuid
íochdaruigh don tſliabh.
18 Agus do bhí ſliabh Sinai uile
fá dheatuigh do chionn gur thuirling
an tighearna air, a tteinidh; agus do
chuáidh a dheatach ſuás amhuil dhea-
tach fuirniſe, agus do chriothnúigh an
ſliabh uile go mór.
19 Agus a nuair do ſhuáimnigh guth
an ſduic a bhfad, agus do ſhás níos
airde, do labhair Maóiſe, agus do
ſhreagair Día é re guth.
20 Agus táinic an tighearna a
núas ar ſhliabh Sinai, ar mhullach an
tſléibhe: agus do ghoir an tighearna
Maóiſe ſúas go mullach an tſléibhe,
agus do chuáidh Maóiſe ſúas.
21 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóiſe; éirigh ſíos, aithin don phobal
deagla go mbriſfidis thríd chum an ti-
ghearna dá ſheitheamh, águs go dtuit-
feadh morán díobh.
22 Agus na ſagairt mar an gcéad-
na, noch thig a bhfogus don ti-
ghearna, naomhaidis iad ſein, deagla
go mbriſeadh an tighearna amach
orra.
23 Agus a dubhairt Maóiſe rís an
ttighearna, ní ſhéadaid an pobal dul
ſúas ar ſhliabh Sinai; óir do aithin
tuſa dhinn ag rádh, cuir tóranna tim-
chioll an tſléibhe agus naomhaidh é.
24 Agus a dubhairt an tighearna ris,
imthigh romhad, éirigh ſíos, agus
tiucfa tú a níos, thú ſéin, agus
Aáron leachd, agus ná léig do na ſa-
gartuibh, agus don phobal briſeadh
thríd, do theachd ſúas chum an tighear-
na, deaglá go mbriſéadh ſé amach orra.
25 Marſin do chuáidh Maóiſe
ſíos gus an bpobal, agus do labhair
ſé riú,

CAIB.

CAIB. XX.

Atá'd na Naitheanta ar na ntabhairt seach. 18 Lé criothnughadh agus namhun an phobail.

AGus do labhair Día na bríathra so uile ag rádh.
2 Is misi an ttighearna do Dhía, noch do thréoruidh thusa amach as ttalamh na Hégipte, as tigh na daóirse.
3 Ni biaidh Día ar bith eile agad am láthairse.
4 Ní dhéana tú dhuit féin [Jómháigh] ar bith ghrábhalta, nó cosamhlachd ar bith [éainneithe] dá bhfuil ar neamh shúas, nó dá bhfuil ar talamh shios, nó da bhfúil sa nuisge faói an talamh.
5 Ní chláonsa tú, thú féin síos dóibh, ní dheana tú serbhís dóibh; oír misi an tighearna do Dhía, is Día éadmhar mé, thig dféachuin pheacuidh na naithreadh ar an gcloinn, gus an treas agus an ceathramhadh glún don druing fhuathuigheas mé;
6 Agus thaisbéanas trócaire do mhíltibh don luchd ghráduigheas mé, agus choimhéadas maitheanta.
7 Ná tabhair ainm an tighearna Día go díomhaóin; oir ni mheasfuidh an tighearna neimhchiontach an té bheir a ainm go díomháoin.
8 Cuimhnigh lá na sábóide go náomhthócha tú é.
9 Sé laéthe shaothrochuis tú, agus dheánas tú hobair uile.
10 Ach sé an seachdmhadh lá, sábóid an tighearna do Dhía, ní dhéana tú obair ar bith ann, tú féin, nó do mhac, nó hinghean, hóglach, nó do bhanoglach, nó do choimhightheach atá táobh a stigh dot dhoirsibh.
11 Oir is a sé láethibh do rinne an tighearna neamh agus talamh, a nfairge agus a nuile ní atá ionta, agus do scuir sé an seachdmhadh lá: uime sin do bheannuidh an tighearna lá na sábóide agus da naomhuigh é.
12 Onoruigh hathair agus do mhathair, ionnus go ma fada do laethe ar an ttalamh, noch do bheir an tighearna do Dhía dhuit.
13 Ní dhéana tú dúnmharbhadh.
14 Ní dhéana tú adhaltrannas.
15 Ní dhéana tú goid.
16 Ní bhéura tú fiaghnuisi bhréige a naghuidh do chomharsan.
17 Ní shainteocha tú tigh do chomharsan, ní shainteocha tú bean do chomharsan, nó óglach do chomharsan, nó a bhanóglach, nó a dhamh, nó a asal, nó éonni is lé do chomharsain.
18 Agus do choncadar an pobal uile na toirneacha, agus na tinnteacha, agus fuaim an stuic, agus an sliabh ag deatughadh, agus a nuáir do chon-
dar an pobal é, do athruigheadar, a-
do sheasadar a bfad uádh.
19 Agus a dubhradar ré Maó-
labhairsi rinne, agus cluinfiom, ach
labbradh Día rinn, deugla go bhfu-
mís bás.
20 Agus a dubhairt Maóise ris
bpobal, ná bíodh eagla oruibh: óir
do bhur ndearbhadh thainic Día, a-
ionnus go mbía eagla as coinne b-
naightheadh, ionnus nach bpeacuighe-
sibh.
21 Agus do sheas an pobal ama-
agus do dhruid Maóise a ngar d-
dorchadas tiugh mar a raibh Día.
22 Agus a dubhairt an tighearna r-
Maóise: is mar so déaras tú ré ch-
Israel, do choncabhair gur labhair-
ribh ó neamh.
23 Ní dhéantáoi maille riomsa d-
airgid; ní mó do dhéantáoi dháoibh-
óir.
24 Altóir do chriáidh do dhéan-
dhámhsa, agus iodhbóruidh tú uirre
hofrála loisge, agus hofrála síothch-
do cháoirigh, agus do dhaimh; sa-
bhall a ttiubhra mé fa deara mainm-
chuimhniughadh, tiucfa mé chuga-
agus beannocha mé tú.
25 Agus má ní tú altóir chlo-
dhamh: ni thoigeobha tu i do chloch-
snoighte, óir má thógbhann tú hu-
súas uirre, do thruáill tú í.
26 Ní mó rachus tó súas lé coiscé-
chum maltóra, ionnus nach biaidh
lomnochduighe ar na taisbeanadh ui-

CAIB. XXI.

Ata annso tionnsgnadh air an eachd ... thamhnuis, ordaigthe chum a bheith ... duine le duine.

ANnois is iad so na dlighthe d-
feas tú rompa.
2 Má cheanchann tú feirbhis-
Eabhruigheach, sé bliaghna bhías s-
seirbhis, agus annsa seachdmhadh bl-
uin, rachuidh sé amach sáor gan éin-
3 Má thainic sé leis fein a st-
rachuidh sé amach leis féin; má
sé pósda, ann sin rachaidh a b-
leis amach.
4 Má thug a mhaighistir bean dó,
go rug si mic, agus ingheana
biaidh an bhean, & an chlann ag an-
ghistir, & rachuidh sesion amach leis
5 Agus má deir an seirbhíseach
follus, is ionmhúin liom mo mháigh-
mo bhean agus mo chlann, ni racha-
amach sáor.
6 Ann sin do bhéará an Maigh-
chum na mbreitheamhan é, do bhéa-
mar sin chum an doruis é, nó chum
an doruis, agus tollsa a mhaigh-

chlúas tríthe lé meanadh, agus foighe-
aigh sé dhó go bráth.
7 Agus ma réacann duine a inghean
o bheith na banóglaidh: ni rachaidh si
amach mar do níd na hogláoich fear.
8 Muna ttaitnidh sí ré na maighistir,
ach do cheanguil leis féin í; ann sin
léigfse se a fuasgladh: a reic re cineadh
coimhightheach, ní bhia cumhachda aige,
ó rinne sé go cealgach ría.
9 Agus ma cheanguil sé re na mhac
: Do dhéana ría do réir mhogha na
nighion.
10 Má bheir sé bean eile, a beatha,
a héadach, a dúalghas pósta ní laigh-
eochóidh sé.
11 Agus muna ndéarna sé na tri nise
ría, ann sin rachaidh sí amach saor
gan airgead.
12 An té bhuailfeas neach, ionnus go
néugfuidh sé, go deimhin cuirfighear
chum báis é.
13 Agus muna luighe duine a bhfo-
laire, ach go seachoduigh Día na laimh
é, ann sin cinnse mise áit dhuit a
tteithfidh sé.
14 Ach má thig duine go dásachdach,
ar a chomharsain dá mharbhadh le ceilg,
béara tú óm altoir é go bhfuighe bás.
15 Agus an té bhúailfeas a athair,
nó a mhathair, cuirfighear gó deimhin
chum bais é.
16 Agus an té ghadus duine, agus
réacas é, no má gheibhthear na láimh é,
cuirfithear go deimhin chum báis é.
17 Agus an té mhalluigheas a athair
nó a mhathair, cuirfithear go deimhin
chum báis é.
18 Agus má imreasnuid daoine ré
chéile, agus go mbuáilfidh áon an fear
eile, do chloich, nó do dhorn, agus nach
bhfuighe bás, ach go gcuimhdeochuidh
a leabuidh.
19 Ma éirghion sé a rís, agus go
siubholuidh a mach lé na bháta, ann sin
saorfuighear an té do bhuáil é, amhain
go níocfuidh sé ar son dul amugha a
aimsire, agus go ttiubhra fá deara a lei-
ghios go hiomlán.
20 Agus ma bhuáileann duine a sher-
bhíseach nó a chailin, lé slait, agus go
bhfuighe sé bás faoi na láimh, dioghaltar
air go deimhin é.
21 Ach má mhairean sé lá no dhó,
ní dhéantar dioghaltas air; óir is sé a
airgead é.
22 Má imreasnuid daoine, agus do
goirteochuid bean torrach, ionnus go
ttiocfuidh a toradh uaithe, agus ar
a shon sin nach leanfuidh olc ar bith
uaithe; coireochthar go deimhin air, do
réir mar chuirfeas fear na mná air, agus
díolfa mar óirdeochaid na breitheamhuin.
23 Agus má leanann urchoid ar bith
uaithe, annsin do bhéura tú anam ar son
anma.
24 Súil ar shúil, fiacal ar fhiacuil,
lámh ar láimh, cos ar chois.
25 Loscadh ar son loiscthe, cneadh ar
son chneidhe, buille ar son buille.
26 Agus má bhuáileann duine súil a
sherbhisigh, no súil a chailín lé a gcaill-
fidh í, léigfidh dhóibh imtheachd saor
ar son a súl.
27 Agus má bhéanann sé fiacail as
a sherbhíseach fir, no fiacail as a sher-
bhíseach mná, leigse dhóibh imhtheachd
saór ar son a bhfiacal.
28 Má loiteann damh fear nó bean
dá bhfuighid bás, ann sin go deimhin
clochfuighear an damh, agus ni hióstar
a fheóil: ach sáorfuighear sealbhadóir an
daimh.
29 Ach má ghnáthuigh an damh sa-
thadh le na adharcuibh sa naimsir roi-
mhe sin, agus gur fiaghnuiseadh sin dá
shealbhadhoir, agus nár choimhéad sé
a stigh é, ach gur mharbh sé fear nó bean,
clochfuithear an damh, agus cuirfighear
fós an sealbhadóir chum báis.
30 Má leagthar suim airgid air, an
sin do bhéara sé ar son fuasguilt a
anma gidh bhé ar bith leagfuighear
air.
31 Gidh bé aca do loit sé mac nó
inghean, is do réir an bhreitheamhnuis
so do dhéantar.
32 Má loiteann an damh serbhíseach
fir nó serbhíseach mná, do bhéura sé
dá Maighistir triochad secel, agus clo-
chfuighear an damh.
33 Agus má osclann duine poll, nó
má thochlann duine poll, agus nach
bhfoileochuidh é, agus go ttuitfidh
damh nó assal ann:
34 Do dhéana sealbhadóir an phoill go
maith é, agus do bhéura airgead don té
ler leis iad, agus budh leis féin an bea-
thach marbh.
35 Agus má ghortuigheann damh
aónduine, damh dhuine eile, go bhfui-
ghe sé bás, ann sin réacfuid an
damh beó, agus roinnfid a airgead, a-
gus roinnfid mar an ccéadna an damh
marbh.
36 Nó má bhionn a fhios go ngnáth-
uigheadh an damh sathadh sa naimsir
roimhe sin, agus nar choimhéad a sheal-
bhadóir a stigh é, íocfaidh go deimhin
damh ar dhamh, ach biáidh an marbh
aige féin.

CAIB. XXII.

*Leanmhuine ar na reachduibh Breitheamh-
nuis.*

MA ghadann duine damh nó
caora, agus a marbhadh, nó
má reacann sé í, aiseochuidh sé cúig
daimh áir son an daimh, agus cúig
caóirigh ar son na cáorach.
2 Má ghéibhthear gaduighe ag
briseadh súas, agus go mbuáilfighear é
go bhfuighe bás, ni dóirtfighear fuil ar
a shon.
3 Má eirgheann an ghrian air,

dóirt-

dóirtfighear fuil thríd: oír do dhéanadh sé aisioc iomlán: muna raibh éinní aige, annsin reacfuighear é ar son a ghaduigheachda.

4 Má geibhthear go dearbhtha án ghníomh ná láimh beó, madh damh, madh assal, nó cáora é, aiseocuidh dúbalta é.

5 Má bheir duine fá deara machaire nó fíneamhuin dithe, agus go gcuirfidhe a bheathach ann, agus go níosuidh machaire dhuine eile: don chuid is fearr dá mhachàire féin, nó don chuid is fearr dá fhíneamhuin, do dhéuna sé aisioc dhó.

6 Má bhriseann teine amach, agus go tteigheamhuidh a ndosanuibh. ionnus go loisgfidhear na stácuidhe arbha, nó án tarbhar na sheasamh, nó an machaire: an té do adhuin an teine, go deimhin do dhéana se aisioc.

7 Ma bheir duine dá chomharsuin airgead nó éadail a ttaiscidh, agus go ngadfuighear sin as tigh an duine, má gheibhthear an gaduighe, díoladh sé dúbalta é.

8 Muna fhaghthar an gaduighe; ann sin do bhéurthar maighistir an tighe chum na mbreathamhan [dá fhéachuin] nar chuir a lámh a maitheas a chomharsan.

9 Ar son a nuile ghné sháruighthe, ar son doimh, nó ar son assail, ar son cáorach, ar son éaduigh, nó ar son áoin ghné neithe théid a mugha, noch agrus neach eile, is leis féin: tiucfa cúis an dá rann a lathair na mbreitheamhan: gidh bé dháorfuid na breitheamhuin, íocfa sé dúbalta ré na chomharsain.

10 Má bhéir duine dá chomharsuin, assal, nó damh, nó cáora, nó beathach ar bith dá chumhdach, agus go bhfuighe bás, nó go loitfighear, nó go rugadh ar siubhal é gan áonduine dá fhaicsin.

11 Ann sin biáidh mionna an tighearna éatorra aráon, nach ar chuir seision a lámh a máoin a chomharsan: agus gébhuidh an sealbhuighe sin úadh, agus ní dhéana seision go maith é.

12 Agus má gadthar uadh é, do dhéana sé aisioc don tsealbhuighe léar leis é

13 Má réubthar óchéile é, ann sin tugadh leis mar fhiadhuin é, agus ní dhéana go maith an ní do réubadh.

14 Agus ma áirleagann duine éinní ó na chomharsuin, agus go loitfighear é, nó go bhfuighe bás, agus gan an sealbhuighe a lathair, do dheantar go maith é go deimhin.

15 Achd má bhíonn an selbhuidhe a lathair, ní deána sé go maith é: más (ní) ar luach saothair é, tháinic sé ar son a lúach saothair.

16 Agus má chealgann duine maighdean, nach bhfuil dáltach, agus go luighfe sé lé, do bhéura sé go deimhin crodh dhi, chum a beith na mnáoi aige.

17 Ma dhiúltann a hathair ar gach éanchor a tabhairt dó, díol fuidh sé airgead do réir chruidh na maighdine.

18 Ní fhuileonga tú bean phiseógach do mharthuinn.

19 Gidh bé ar bith luighfeas lé beathach, cuirfighear go deimhin chum bais é.

20 Gidh bé iodhbórus do Dhia ar bith, achd don Tighearna amháin, scriosfuighear é go léir.

21 Ní bhuaidheóra tú agus ní bhrughfe tú coimhightheach: óir do bhádhbhair féin bhur ccoimhightheachuibh a ngcrích na Hégipte.

22 Ní dhéana tú léathtrom air bhaintreabhuidh nó ar dhileachda air bith.

23 Má ghortuigheann tú íad ar éanchor, agus a ccomhairc do theachd chugamsa, éisdfe mé go deimhin á ccomhairc.

24 Agus lassfuidh mfearg, agus marbhfidh mé sibhsi leis an gcloidheamh, agus béid bhur mná na mbaintreabhachuibh, agus bhur gclann na ndileachduigh.

25 Má áirleagann tú airgead déanduine dom phobal atá láimh riot ní bhía tú amhuil úsuire ris, ní mó chuirfeas tú úsuireachd air.

26 Má ghlacann tú ar chor ar bith éadach do chomharsan a ngeall, fear óiluigh tú dhó é, fá am gréine do dhul faoi.

27 Oír is é sin a fholach a mháin, is é a chulaidh dhá chroiceann é: cred ann a ccoideoluigh sé? agus tiocfa a ccrích a nuáir éighfeas orumsa, ccluinfe mé é, óir atáim grásamhuil.

28 Ní mhaisleocha tú na Dée, ní mhailleocha tú ríaghlóir do phobuil.

29 Ní dhéana tú faillígh primidil do thórtha abuidh, agus do dhighe [do rail:] ceidghin do mhac do bhéura tú dhamhsa.

30 Mar an gcéadna do dhéana tú re do dhamhuibh, agus réd cháorchuibh: seachd lá bhías sé aga mhathair, ar an ochdmhadh lá do bhéura tú dhamhsa é.

31 Agus beithi bhur ndáoinibh náomtha dhamhsa: ní mó íostáoi feóil ar bith sráoilfighear lé beathuighibh san machaire, teilgfidhe chum na madrá é.

CAIB. XXIII.

An chuid oile da na eachdaibh Breitheamhnais. 14. cuid do réachd na ngnàthuighe. 20 Agus na modhanadh, orduighthe.

NI thóigfe tú iomradh bréagach, ná cuír do lámh leis na drochdháoinibh chum bheith ad fhiaghuin neimhfhíreúnta.

2 Ní leanfa tú iomad do dheanamh uilc, ní mó laibheórus tú a gcúis do chláonadh lé morán do thobhach breitheamhnuis.

3 Ní mó choitheochus tú duine bocht ann a chúis.

4 Má theagmhann riot damh nó assal do námhad ag dul ar seachrán, do bhéura tú go deimhin chuige ar ais é.

5 Má chí tú aſſal an té lér fúath thú,
a luighe ſán úalach, agus go bhſailleo-
thá a thárthail, cuideocha tú leis go
deimhin.
6 Ni choimhéigneocha tú breitheamh-
nus do bhoichd ann a chúis.
7 Connuimh thú féin a bhfad ó chúis
bhréugaidh; agus an neimhchiontach
agus an fírean ná marbh: óir ni
ſheabha miſi leithſcéal an drochdhui-
ne.
8 Agus ní ghéubha tú tiodhlaiceadh
ar bith: óir dalluidh an tiodhlaiceadh
an teagnuighe, agus iompóidh bunoſ-
cionn briathra an ionnruic.
9 Mar an gcéadna ní bhrúighfe tú
coimhightheach; óir is aithnidh dhíbh
croidhe an choimhighthigh ó bhábhair
féin bhur gcoimhightheachuibh a ccrích
na Hégipte.
10 Agus ſé bliadhna chuirfeas tú thfea-
rann, agus chruinneochus tú a thór-
tha á ſteach.
11 Achd an ſeachdmhadh bliadhan
léigſe tú dhó luighe, agus bheith na
chomhnuighe, ionnus go níoſuid bóichd
do phobuil de, agus go níoſuid beathuigh
an mhachaire a bhfúigfid ſiad: ar an
modh gcéadna do dhéana tú réd fhí-
neamhuin, agus réd ghairdín ola.
12 Sé lá do dhéana tú hobair, agus
do dhéana tú comhnuighe an ſeachd-
mhadh lá, ionnus go gcomhneochuidh
do dhamh agus haſal, agus go near-
tuighe mac do chumhaile, agus an
coimhightheach.
13 Agus ann gach uile ni dá ndubh-
airt mé riot, bí go fuireachair, agus ná
tárr thair anmanuibh Dée ar bith eile:
narob mó chluinfighear as do bhéul é.
14 Trí huáire choinneochus tú féuſda
dhamhſa ſan mblidahuin.
15 Coinneocha tú féuſda a naráin gan
laibhín: agus íoſa tú arán gan laibhín
ſeachd lá, mar do aithin miſi dhíot,
ann ſa nam chinnte don mhí Ahib:
óir is innte tháinic tú amach as a Né-
gipt, agus ní thiucfa einneach dom lá-
thairſi folamh.
16 Agus féuſda an fhoghmhair, céad-
thórtha do ſhaothair, noch do chuir tú
ſan mhachaire, agus féuſda an chruinn-
ighthe a ſteach, a ndeireadh na bliadh-
na, a nuáir chruinneochus tú a ſteach
do ſhaothar ón mhachaire.
17 Trí huáire ſan mbliadhuin thiuc-
fuid thfir uile a lathair an tighearna Dia.
18 Ní ofráile tú fuil mo iodhbarthaſa
le harán laibhín, ní mó fhanfas méa-
thas mo iodhbhartha go maidin.
19 An chéad chuid do chéad thór-
thuibh thfearuinn do bhéura tú go tigh
an tighearna do Dhia: ní bhruithfe tú
meannán a mbainne a mhathar.
20 Féuch, cuirim aingeal romhad dot
choimhéud annſa tſlighe, agús dot bhreith
do náit do ullmhaigh mé.
21 Bí ar do choimhéad air, a-
gus umhluigh dá ghuth, ná broſtuigh
é, óir ni thiubhra ſé maithſeachus do
bhur gcíontuibh: óir atá mainmſi
annſan.
22 Achd má umhluigheann tú dhá
ríribh dhá ghuth, agus go ndéarna tú a
nabruimſi uile, ann ſin biaidh mé am
námhuid dot naimhdibh, agus am eaſ-
caruid dod eaſcairdibh.
23 Oir rachuidh maingeal romhad;
agus do bhéura a ſteach thu chum na
Namoríteach, agus chum na Hitíteach,
agus na Bperiſiteach, agus na Gca-
naníteach, na Hibhíteach, agus na
Jebuſiteach: agús gearrfa mé amach
iad.
24 Ní chromtha tú ſios dá Ndeéibh,
ní dhéana tú ſeirbhís dóibh, ni mó
dhéanas tú do réir a noibreach, ach
ſcrioſſa tú iad go léir, agus briſfe tú
go léir a níomhaighe.
25 Agus foigheontáoi don tighearna
bhur Ndía féin, agus beinneochuidh ſé
harán agus huiſge: agus béura miſi heaſ-
láinte as do lár.
26 Ní theilgfidh éinní a nóga, ní
mó bhéid ſeaſc ann thfearann: uibhir
do láetheadh coimhlionſa mé.
27 Cuirfe mé meagla as do choinne
agus ſcrioſſa mé na huile dháoine a gcionn
a ttiucfa tú, agus do bhéura mé ar húile
naimhde a ndruim diompógh riot.
28 Agus cuirſe me céarnabháin ro-
mhad, noch dhíbeorus amach an Hibhí-
teach, an Cananíteach, agus an Hití-
teach, as do lathair.
29 Ní dhíbeóra mé amách romhad
iad a néinbhliadhuin: deagla go ttiuc-
fadh an fearann chum fáſuigh, agus go
líonfadh beathach an mhácháire ad agh-
uidh.
30 Air bheagán agus air bheagán dhí-
beorus mé amach iad, ód lathair, nó go
bhfoirlionuidh tuſa águs go ngéubha tú
oighreachd na talmhan.
31 Agus cuirfe mé do thóranna ón
muir ruáidh go nuige fairge na Bhpi-
liſtíneach, agus ón díothramh gus a
nabhuinn; óir ſeachóduigh mé ái-
treabhuigh na dúthaigh ann bhur láimh,
agus díbeóra tú amach romhad iad.
32 Ni dhéana tú cunnradh ar bith
riú, no ré na Ndeéibh.
33 Ni choimneochuid ann do dhú-
tháidh, deagla go ttiubhraidís ort peac-
adh am aghuidhſi; óir má fhoghnann
tú dá Ndeéibh ſin, biáidh ſin go dei-
mhin na líon romhad.

CAIB. XXIV.

Saothair Chráibhtheach Mháoiſe. 12. Do bhí ſé ar an tſliabh, maille ré Dia dá fhichead ló & da fhichead oidhche, na throſgadh.

AGus a dubhairt ſé ré Maóiſe, tárr ſúas chum an tighearna, thú

féin, agus Aáron, Nadab agus Abihú, agus seachdmhodhad do shinnsearuibh Israel: agus adhruidhsi a bhfad amach.

2 Agus tiucfa Maóise amhain a ngar don tighearna, achd ní thiucfaid siadsan a bhfogus: ní mó rachas an pobal súas leis.

3 Agus táinic Maóise, agus do innis don phobal uile bhriathra an tighearna, agus á uile bhreitheamhnus: agus do fhreagradar an poball uile lé héanghuth amhain, agus a dubhradar; na huile bhriathra noch do labhair an tighearna do dhéanaimne íad.

4 Agus do scriobh Maóise bríathra an tighearna uile, agus do eirghe go moch air maidin, agus do thóg altóir fan chnoc, agus dhá philéir dhéug do réir dhá threibh dhéag Israel.

5 Agus do chuir sé dáoine óga do chloinn Israel, noch do ofráil ofrála loiske, agus do jodhbuir íodhburtha síothchána do dhamhuibh don tighearna.

6 Agus do ghlac Maóise leath na fola, agus do chuir a mbáisinibh í, agus do chroith sé leath na fola ar a naltóir.

7 Agus do ghlac sé leabhar an chunnartha, agus do léigh a néisdeachd an phobuil, agus a dubhradarsan, a nuile ní a dubhairt an tighearna, do dhéanam é, agus biam umhal.

8 Agus do ghlac Mhaóise a nfuil, agus do chroith ar an bpobal í, agus do ráidh, ag so fuil an chunnartha do rinne an tighearna ribh a ttáobh na mbriatharsa uile.

9 Ann sin do chuaidh Máoise súas & Aaron, Nadab agus Abihú, agus séachdmhoghad do shinnsearuibh Israel.

10 Agus do choncadar Dia Israel, agus do bhí faoi na chosuibh mar do bheith obair phabhalta do chloich Shaphir, agus amhuil do bhiadh corp néimhe ann a shoillse.

11 Agus ar uáislibh chloinne Israel níor leag sé a lámh: mar sin do choncadar Dia, agus a duádar biadh, agus do íbheadar deoch.

12 Agus a dubhairt an tighearna re Maóise, tárr chugamsa suás ar a tsliabh, agus bí ann sin, agus do bhéura misi clair chloiche dhuit, agus dligheadh, agus aitheanta do scríobh mé, ionnus go múinse tusa dhóibh íad.

13 Agus do eirigh Maóise súas, agus a mhinistir Josua, agus do chuáidh Maóise súas ar shliabh Dé.

14 Agus a dubháirt ris na sinnsearuibh, fanuidhsi annso nó go ttigeam a a rís chugaibh, agus féachuidh atá Aáron, agus Hur bhur bhfochair: má bhíonn cúis ag duine ar bith re dhéanamh, tigeadh sé chuca.

15 Agus do chuáidh Maóise suás ann sa tsliabh, agus do fholuigh neul an sliabh.

16 Agus do chomhnuigh glóir an tighearna ar shliabh Sinái, agus do fholuigh an néull é sé lá, agus an seachdmadh lá do ghoir sé ar Mhaóise amach as lár an néill.

17 Agus da bhí radharc ghlóire an tighearna cosmhuil re teinidh loisgnigh ar mhullach an tsléibhe a súilibh chloinne Israel.

18 Agus do chuaidh Maóise a l an néill, agas táinic sé súas ar tsliabh, agus do bhí Maóise ar tsliabh ceathrachad lá agus ceathrachad oidhche.

CAIB. XXV.

Ofrála toileamhla an phobail arson na ta élora.; 8. orduighthe lé Dia.

AGus do labhair an tighearna r Maóise, dá rádh.

2 Labhair re cloinn Israel, gó t gaid ofráil chugam: ó gach uile dhu dá ttiobhra uadha go toileamhail í na chroidhe, glacfuidhsi mofráil.

3 Agus sí so a nofrail gla fuidh uatha; ór, agus airgead, ag prás,

4 Agus gorm, agus scarláoid a gus linéadach sínealta, agus fionna gabhar,

5 Agus croicne reitheadh ar na thughadh dearg, agus croicne b agus croinn Sitim,

6 Ola chum an tsoluis: spíosra ch ola ungtha agus chum túisi dea bholuigh,

7 Clocha Onix, agus clocha re c annsa Néphod, agus annsa uchda dach.

8 Agus déindis sanctóir dhamh chor go ccoimhneacha mé na mea

9 Do réir a nuile ní thaisbeanu dhuit, do reir eisiomplára an taberna agus eisiomplára a ionnstruiminte uile; is mar sin do dhéantaoi é.

10 Agus do dhéanuid áirc do chra Sitim, dhá chubhad go leith iona fa agus cubhad go leith iona leithe agus cubhad go leith íona hairde.

11 Agus foileochuidh tu é lé h fiorglan, táobh a stigh agus a muigh fio leochus tú é: agus do dhéana tú coróin óir timchioll sa gcuáirt.

12 Agus teilgse tú ceithre fhai óir dhó, águs cuirse tú iona cheit chorruibh íad, agus béid dhá fhái a ttáobh dhe, agus dhá fháinne táobh eile.

13 Agus do dhéana tú maididhe chrann Sitim, agus foileochuidh tú hór íad.

14 Agus cuirse tú na maididhe sna fáinnibh, re táobhuibh na chor go niomcharthar a nairc

15 Béid na maididhe a bhfáinnibh na
háirce, ní bearthar as íad,
16 Agus cuirfe tú annsa nairc,
an fhiadhnuisi noch do bhéura misi
dhuit.
17 Agus do dhéana tú cathaóir
thrócaire dór fhiórghlan: dhá chubhad
go leith a fad, agus cubhad go leith a
leithead.
18 Agus do dhéana tú dhá chearubin
dór: dobair fhloighthe do dhéana tú
íad, a ndá chionn an tsuidhe thrócaire.
19 Agus déana aon chearub ar cheann
de, agus an chearub eile ar an gceann
eile, don tsuidhe thrócaire: do dhéana
tú na chearubinigh ar a dhá cheann.
20 Agus sínfid na chearuibinigh a
sciathaín a mach go hárd, ag folach an
tsuidhe thrócaire le na sciathanuibh, a-
gus a naighthe ag feitheamh ar a chéile:
leath ris an tsuidhe thrócaire beid ai-
ghthe na chearubinigh.
21 Agus cuirfe tú an suidhe trócaire
shuas ar an áirc, agus annsa náirc
cuirfe tú an fhiadhnuisi do bhéura
misi dhuit.
22 Agus ann sin theigeomhas misi
riot, agus comhráidhse mé riot, ós cionn
an tsuidhe thrócaire, ó eidir an dá
chearubin noch atá ar áirc na fiadh-
nuisi, do na huile neithibh do bhéura
mo dhuit a naithne do chloinn Israel.
23 Do dhéana tú mar an ccéadna
clár do chrann Sitim, dhá chubhad budh
é a fhad, agus cubhad a leithead, agus
cubhad go leith áirde.
24 Agus foileocha tú é dór fhiórghlan,
agus do dhéana tú coróin óir dhó tim-
chioll fa gcúairt.
25 Agus do dhéana tú imeal dó, lei-
thead baise timchioll fa gcúairt, agus
do dhéana thú coróin óir timchioll
fa gcúairt don imeal.
26 Agus do dhéana tú dhó ceithre
fhainne óir iona cheithre coirneuluibh,
atá as a cheithre cholúibh sin.
27 Thall as coinne an imil béid na
fáinnidhe, mar áite dona maididhibh dío-
mchar an chláir.
28 Agus do dhéana tú na maididhe
do chrann Sitim, agus foileocha tú íad
le hór, chor go niomchárthaoi an bórd
leo.
29 Agus do dhéana tú a mhíasa sin,
liacha sin, & a bhfoluidhe sin, agus a
sealuidhe sin, chum a bhfolach leó; dór
fhiórghlan do dhéana tú íad.
30 Agus cuirfe tú ar an mbórd
arán taisbeannta, a ccomhnuidhe ro-
mhamsa.
31 Agus do dhéana tú coinnléoir
dór fhiorghlan: dobair fhloighthe, do
dhéanntar an coinnleóir, a chos agus a
bheangáin, a sealuidhe, agus a chnapáin
agus a bhlátha, béid don ccéadna.
32 Agus tiucfaidh sé beangáin amach as
a thaobh: trí beangáin don choinnleóir
as aóntaobh, agus trí bheangáin don
choinnleóir as an táobh eile.

33 Trí bhulla déanta amhuil almo-
inne, maille re cnap agus bláth a
néinbheangán; agus tri bhulla dean-
ta amhuil almoinne annsa mbean-
gán oile maille re cnap, agus re bláth:
mar sin ann sna sé beanganuibh thig a-
mach as an ccoinnleóir.
34 Agus annsa choinnleóir béid cei-
thre scala déanta cosmhuil re halmó-
inne, maille re cnapuibh, agus re bla-
thuibh.
35 Agus biáidh cnap faói dhá
bheangán de, agus cnap faói dhá bhean-
gán de, agus cnap faói dhá bheangan de,
do reir na sé mbeangán thig amach as
an gcoinnleóir.
36 A ccnaip, agus a beangáin, béid
don ní céadna; biáidh sé uile na éana-
bair fhloighthe dór fhíorghlan.
37 Agus do dhéana tú a seacht soill-
se sin, agus soillseóchuidh tú a sho-
lus sin, lé ttiubhra solus anonn as a
choinne.
38 Agus béid a theanchuiridh sin a-
gus a mhiasa smóil dór fhíorghlan.
39 Do thallainn dór fhíorghlan do
dhéana sé é, maille ris na soithighibh
sin uile,
40 Agus tabhair haire, go ndéana tú
iad do reir a bpatruin noch do tais-
béanadh dhuit annsa tsliabh.

C A I B. XXVI.

Cumadh an Tábernacuil. 31. Agus folach na háirce, ar na nordughadh.

OS a chionn sin, do dhéana tú an
tabernacuil maille re deich gcúir-
tín do líon fhineulta chasta, agus gorm,
agus purpair, agus scairlóid: maille re
Cherubínibh dobair ghéarchúisigh do
dhéana tú iad.
2 Budh é fad gach éan chuirtín ochd
ccubhaid fhichead, agus leithead gach
éanchuirtín ceithre cubhaid; agus gach
áon da na cuirtínibh áon mhiosúr bhias
aca.
3 Cúipleochthar cúig cúirtínigh dá
chéile, agus cúig cúirtínigh cúpluighe dá
chéile.
4 Agus do dhéana tú lúba do ghorm
ar imlibh gach éanchuirtín ón chumhais
annsa gcoimhiadhagh: agus mar sin do
dhéana tú an sa nimiol is faide amach
do chúirtín eile, ó imiadhagh an dara
coda.
5 Cáogad lúb do dhéana tú ann sa
néan chuirtín, agus caógad lúb do dhea-
na tú a nimial an chúirtín atá ag coimh-
cheangal an dara, chor ga mbéaruid na
lúba greim ar a chéile.
6 Agus do dhéana tú cáogad táitse
dór; agus cúipleocha tú na cuirtiné dhá
chéile, leis na táistibh, agus biáidh na
éantábernacuil.
7 Agus do dhéana tú cúirtíne dfionnadh
gabhar, do bheith na fholach ar an ta-
bernacuil, do dhéana tú éanchuirtín déag.

8 Budh hé fad gach éan chuirtín triochad cubhad, agus leithead gach éan chúirtín, ceithre cubhaid; agus béid an téanchuirtín déag uile dáoinmhioſar.

9 Agus coimhcheangeola tú cúig cuirtíne leó féin, agus ſé cuirtíne leó féin, agus dúibleocha tú an ſeiſeadh cuirtín a néadan toſuigh an tabernacuil.

10 Agus do dhéana tú cáogad lúb ar imiol a néanchúirtín atá táobh a muigh annſa ccoimhcheangal, agus cáogad lúb a nimiol an chúirtín noch cheingeolus an dara cúpla.

11 Agas do dhéana tú cáogad táiſte do phrás, agus cuirfe tú na táiſtigh ann ſna lúbuibh, agus cúipleocha an ſolach dha chéile, chor go mbiadh ſé na aon.

12 Agus an fuigheall mhairſeas do chúirtínibſi an lóiſtin, an leath chúirtín mhairſeas, crochfuighear ós cionn chúil an tabernacuil é.

13 Agus cubhad a ttáobh, agus cubhad don táoibh eile, don fhuighioll a bhfad chúirtine an lóiſtin: crochfuighear ſin ós cionn táoibh an tabernacuil don táoibhſi agus don táoibh úd dá ſholach.

14 Agus do dhéana tú folach don lóiſtín, do chroicnibh reitheadh daite dearg, agus folach ſhúas do chroicnibh broc.

15 Agus do dhéana tú buird don tabernacuil, do chrann Sitim na ſeaſamh ſúas.

16 Deich gcubhuid bhías a bhfad an bhuird, agus cubhad go leith bhias a leithead éanbhuird.

17 Biáidh dhá láimh a néanbhuird, ar na ſuighiughadh as coinne a chéile a nórd, is mar ſo do dhéana tú ar bhórduibh an tabernacuil uile.

18 Agus do dhéana tú na buird don tabernacuil, fithche bórd ar an táobh theas leath theas.

19 Agus do dhéana tú ceathrachad ſoicéad dairgead fáoi an fhichid bórd, dhá ſhoicéad fáoi bhórd diobh da dhá láimh, agus dá ſhoicéad fáoi bhórd eile da dhá láimh.

20 Agus ar ſon an dara táobh don tabernacuil, don táobh thúaith (biaidh) fiche bórd ann ſin.

21 Agus an dá fhichid ſoicéad dairgead, dá ſhoicead fáoi áon bhórd agus dá ſhoiced fáoi bhórd eile.

22 Agus do tháobhuibh an tabernacuil leath ſhiar, do dhéana tú ſé buird.

23 Agus do dhéana tú dá bhórd do chornéuluibh an tabernacuil iona dhá tháobh.

24 Agus béid coimhcheanguilte dhá chéile fútha ſhios, agus béid coimhcheangailte dhá cheile os mullach a chinn dáon fháinne amháin: mar ſo bhías dóibh a ráon, béid ſiad don dá chóirnéul.

25 Agus béid na nochd mbórd agus a ſoicéid airgid, ſé ſoicéid d dhá ſhoicéd fáoi éanbhórd, agus ſhoicéd fáoi bhórd eile.

26 Agus do dhéana tú barruidhe chrann Sitim: a cúig do bhórd éantáoibhe don tabernacuil.

27 Agus cúig bharra do bhórd ua táoibhe eile, don tabernacuil, dá tháoibh leath ſhiar.

28 Agus an barra méadhonach lár na mbórd, roithcheocha ſé ó ch go cionn.

29 Agus foileocha tú na b le hór, agus do dhéana tú a bhf dhe dór mar áit chum na mbarr agus foileocha tú na barruidhe hór.

30 Agus tóigeobhuidh tú ſuas tabernacuil, do réir an chum noch do taiſbeánadh dhuit a tſliabh.

31 Agus do dhéana tú folach ghorm, agus do phurpair, agus ſcáirláoid, agus do lion fhinealta dobair ghéarchúiſigh: le Cherub do dhéantar é.

32 Agus crochfa tú é ar che piléuruibh do chrann Sitim, ar bhfolach dór: béid a gcrú dór, ar na ceithre ſoiceaduibh gid.

33 Agus crochfa tú ſúas a lach fáoi na táiſtibh, chor go ttiubh á ſteach annſin, táobh á ſtigh don lach, Áirc ná fiadhnuiſi, agus rann an folach dhíbh idir a náit náomh agus ro náomhtha.

34 Agus cuirfe tú an ſuidhe tró ár Áirc na fiadhnuiſe ann ſa nái náomhtha.

35 Agus ſuidheocha tú an bórd t a muigh don fholach, agus an c leóir thall as coinne an bhuird ar th an tabernacuil don leath theas, cuirfe tú an bórd don leath thuai

36 Agus do dhéana tú crochadh dhorus an lóiſtin, do ghorm, agus phurpuir, agus do ſcarláoid, agus lion mhín chaſda, oibrighthe le h ſhnaithide.

37 Agus do dhéana tú don chroch cúig piléir do chrann Sitim, agus leocha tú iad le hór; agus béid a cuidh dór, agus teilgfe tú cúig ſ phráis doibh.

CAIB. XXVII.

Cumadh Altóra na hofrála loiſgthe; gus gach inneal do bheanus di.

AGus do dhéana tú altóir do ch Sitim: cúig cubhaid ar fad, agus cúig cubhaid ar leith biáidh a naltóir ceathairbh

ch, agus bu trí cubhaid a háirde.
2 Agus do dhéana tú a beanna ar chei-
thre coirnéuluibh: béid a beanna don
ccéadna, agus soileocha tú le prás í.
3 Agus do dhéana tú a hoighne chum
luátha do ghlacadh chuca, agus a slu-
iste, agus a baisinigh, agus a hadhuil,
agus a hoighne tineadh, a huile shoith-
ighe do dhéana tú do phrás.
4 Agus do dhéana tú dhi gráta do
líonobair phráis, agus ar an líon do
dhéana tú ceithre fháinne phráis ann a
cheithre choirnéuluibh.
5 Agus cuirfe tó fa chompás na hal-
tóra shíos é, chor go mbía an líon ionann
go lár na haltóra.
6 Agus do dhéana tú maididhe don
altóir, maididhe do chrann Sitim, agus
soileocha tú le prás iad.
7 Agus cuirfighear na maididhe ann
sna fáinnibh, agus béid na maididhe ar
dhá tháobh na haltóra dá himochar.
8 Folamh (a stigh) do chláruibh do
dhéana tú í, mar do taisbeanadh dhuit
ann sa tsliabh: mar sin do dhéanuid siad í.
9 Agus do dhéana tú cúirt an taber-
nacuil don táoibh theas, leath theas:
béid bruit don chúirt do líon mín chasda;
céad chubhad ar fad déantáoibh.
10 Agus béid a fithche piléur sin
agus fithche soicéid do phrás, biaidh
crúcuidhe na bpiléur, agus a bhfiléid
dairgead.
11 Agus mar sin don leath thuáith ar
fad, béid bruit do chéad cubhad ar fad,
agus a bhfithche piléur, agus a bhfithche
soicéad práis; béid crúcuidhe na bpiléur,
agus a bhfiléid dairgead.
12 Agus do tháobh leithid na cuirte
ar an taobh shíar, béid bruit do cháogad
cubhad; a bpiléur a deich, agus a soi-
chead deich.
13 Agus leithead na cúirte ar a
ttáobh shoir leath shoir, béid cáogad cu-
bhad.
14 Bruit déantáobh don gheata,
biaidh cúig cúbhaid déug: a bpiléur a
trí, agus a soicéid a trí.
15 Agus ar án ttáobh eile, béid bruit,
cúig cubhaid déug: a bpiléur a trí,
agus a soicéid a trí.
16 Agus chum geata na cúirte, béid
bruit dfithchid cubhad do ghorm, agus
do phurpuir, agus do scarláoid, agus
do lineádach mhín chasta, oibrighthe le
hobair shaithide: agus a bpiléur a cea-
thair, agus a soicéid a ceathair.
17 Béid na huile piléur fá gcuáirt
timchioll na cúirte, ar na bhfilleadadh le
hairgead, biáidh a ccrúcuidhe dairgead
agus a soicéid do phrás.
18 Biaidh fad na cúirte na chéud
cubhad; agus a leithead cáogad ar gach
áon táobh, agus cúig cubhaid dáirde, do
lineádach fhinealta chasda, agus a soi-
céid do phrás.
19 Béid soithighe an tabernacuil
uile, a nuilesherbhis, agus a nuile thair-
nge, agus táirngidh na cúirte uile béid
do phrás.
20 Agus aitheonuidh tú do chloinn
Israel go ttugaid chugad an ola fhíor-
ghlan do chrann ola, brúite, chum an
tsoluis, do thabhairt ar an lampa laladh
a gcomhnuighe.
21 A ttabernacuil an chomhchrui-
nighe táobh amuigh don fholach, noch
atá as coinne na fiadhnuisi, oirdeochuid
Aáron agus a mhic é ó thrathnóna go
maidin a bhfiaghnuisi an tighearna:
biáidh so na statúid go bráth da ngeinea-
lachuibh, do tháoibh chloinne Israel.

CAIB. XXVIII.

Ordughadh Aaroin agus a chlann Mac chum oifig an tsagairt. 2 Agus an eáduigh naomhtha, agus na bheanus dóibh.

AGus glacsa chugad Aáron do dhear-
bhraithir, agus a mhic maille ris
ó mheasg chloinne Israel, chor go
ndéana sé ministralachd dhamhsa a noi-
fig an tsagairt, eadhon Aaron, Nadab.
agus Abihú, Eleasar agus Itamar, mic
Aáron.
2 Agus do dhéana tú éadach náomh-
tha do Aaron do dhearbhrathair, mar
ghlóir agus mar scéimh.
3 Agus laibheora tú ris a nuile dhui-
ne, atá eagnuidhe a gcroidhe, noch do
líon misi le spiorad na heagna, chor go
ndéanaid culaidh Aaron, dá choisreag-
adh, ionnus go bhfoghnuidh se dhamhsa a
noifig an tsagairt.
4 Agus a siad so na héaduighe do
dhéanuid; uchdéideadh, agus ephod,
agus róba, agus cóta bróidinealta, agus
miochd agus crios: agus do dhéanuid
éaduighe naomhtha mar so do Aaron do
dhearbhraithir, agus da mhacaibh, ion-
dus go bhfeaduigh ministralachd do
dhéanamh dhamhsa, a noifig an tsagairt.
5 Agus glacfuid ór agus gorm, agus
purpair, agus scarláoid, agus linéadach
finealta.
6 Agus do dhéanuid an téphod dór,
do ghorm, do phurpair, agus do scar-
láoid, agus do lineádach fhinealta chasda,
maille re hobair ghlic.
7 Biaidh aige dhe sin dhá phiosa gúa-
lann ceangailte agá dhá imeal, agus
mar sin ceangaltar dhá chéile é.
8 Agus biaidh an crios bróidine-
alta a Nephoid, noch atá air, don
ccéadna do réir a oibre sin: dór, do
ghorm, do phurpair, agus do scar-
láoid, agus do lineádach fhinealta
chasda.
9 Agus glaca tú dá chloich Onix,
agus grabháil anmanna chloinne Israel
orra.
10 Sé dá nanmannuibh ar éan chloich
agus na sé hanmanna eile, na coda
eile, ar an gcloich eile, do réir a
sinnsireachd.

11 Maille ré hobair ghrábhaluigh a gcloich, cosmhuil ré grábhail shignéd ghrábhalfis tú an dá chloich, maille re hanmannuibh chloinne Israel: cuirfe tú fa deara a gcur a gcumhduighibh óir.

12 Agus cuirfe tú an dá chloich ar ghuáillibh a Nephod, mar chlochuibh cuimhnighe do chloinn Israel, agus iomchóra Aáron a nanmanna as coinne an tighearna, ar a dhá ghúaluinn mar chuimhne.

13 Agus do dhéaná tú failge dór.

14 Agus dhá shlabhra dór ghlan ar a gceannuibh; dobair fhighthe do dhéana tú iad, agus ceangail na slabhruidhe fithe do na failghibh.

15 Agus do dhéana tú uchdéideadh an bhreitheamhnuis le hobair chéardamhuil, amhuil oibre a Nephod do dhéana tú é; dór, do ghorm, do phurpair, agus do scarláoid, agus do lineádach finealta chasta do dhéana tú é.

16 Ceathairbheannach bias sé ar na dhúbladhadh, réise bhias na fhad, agus reise bhias na leithead.

17 Agus cuirfe tú ann cuir do chlochuibh, eadhon ceithre chúrsa do chlochuibh: biáidh an céad chúrsa do Shardius, do Thópas agus do Charbuncail: budh é so an chéad chúrsa.

18 Agus biáidh an dara cursa, Emereud, Saphir, agus Diamond.

19 Agus an treas cúrsa, Ligur, Agat, agus Ametist.

20 An ceathramhadh cúrsa, Béril, agus Onix, agus Jasper: an ór cuirfighear iad, ann a ndruid.

21 Agus béid na clocha maille re hanmannuibh chloinne Israel, a dó dhéag do réir a nanmann, grábhalta (amhail) ghrábhail shignéid: gach áon diobh lé a ainm, beid do réir án dá threibh dhéag.

22 Agus do dhéana tú ar an uchdphláta slabhruidhe ag na ceannuibh dobair fhighthe dór fhiorghlan.

23 Agus do dhéana tú ar an uchdphláta, dhá fhainne óir, agus cuirfe tú an dá fháinne ar dhá cheann an uchdphláta.

24 Agus cuirfe tú an dá shlabhradh fhighthe dór annsa dá fháinne atá ar ceannuibh an uchdphláta.

25 Agus an dá cheann eile don dá shlabhradh fhighte, ceangola tú an sa dá fhail, agus cuirfe tú iad ar phiosuighibh na gúalann an Ephod ar aghaidh.

26 Agus do dhéana tú dhá fháinne óir, agus cuirfe tú ar dhá cheann an uchdphláta iad, ina nimeal sin, noch atá leath re táobh an uchdphlata a stigh.

27 Agus dá fháinne eile óir do dhéana tú, agus cuirfe tú iad ar dhá tháobh an Ephóid shíos, láimh ris an gcuid thosuigh dhe, thall as coinne a chúpluidh-
the, os cionn creasa ceardamh
Ephod.
28 Agus ceangoluid siad an u
deadh le na fháinnighibh, do fhá
ghibh an Ephoid le lása do ghorm
go mbia ós cionn creasa céardamh
Ephod, agus nach scáoilfighear an u
phláta don Ephod.
29 Agus iomchóra Aáron an
chloinne Israel, ann sa nuchdphlá
an bhreatheamhnuis, ar a chroid
nuáir rachus a steach do náit náom
mar chuimhne do lathair an tighea
gcomhnuighe.
30 Agus cuirfe tú a nuchdp
an bhreitheamhnuis an Urim
Tuimim: agus béid ar chroidhe
a nuáir rachus sé a steach as c
an tighearna: agus iomchóruidh
áron breitheamhnus chloinne Israel
chroidhe, a bhfiadhnuisi an tighea
gcomhnuighe.
31 Agus do dhéana tú róba an E
do ghorm uile.
32 Agus biáidh poll iona mh
iona lár; biáidh ceangal dobair fhi
timchioll fa gcuáirt an phuill, m
bheith poll haberghion, go nach
tighe é.
33 Agus shíos ar a fhathshuím
dhéana tú pomgranáit do ghorm,
do phurpuir, agus do scarláoid tim
fa gcuáirt na fathuáime; agus
óir eatorra timchioll fa gcuáirt.
34 Cluigín óir, agus pomgr
cluigín óir agus pomgranait, a
thuáim an róba fa gcuáirt.
35 Agus biáidh sé ar Aáron
niostrálacht: agus cluinfighear
a nuair rachus sé a steach
náomhtha, a lathair an tighearn
a nuáir thiocfas amach: go nach
ghadh bás.
36 Agus do dhéana tú pla
fhiorghlan, agus grabháil air am
ghrábhala signéid, NAOMHTHAC
DON TIGHEARNA.
37 Agus cuirfe tú é ar lása gh
ionnus go'mbiáidh ar an miter, a
thosuigh an mhiter biáidh sé.
38 Agus biáidh sé ar éadan Aá
chor go niomchóruidh Aaron éacc
na nitheann náomhtha, noch nomh
chuid clann Israel iona mront
náomhtha uile; agus biaidh sé a gcom
nuidhe ar éadan, chor go nglacfaigh
iad a bhfiaghnuisi an tighearna
39 Agus cuirfe tú bródái leis
gcóta do lineádach fhinealta agus
dhéana tú an Miter do linadach fi
nealta, agus do dhéana tú a crios
bair shnaithide.
40 Agus do dhéana tú ótuidhe
mhacuibh Aáron, agus do dhéana
creasanna dhóibh, agus do dhéana tú
néit dóibh, mar ghloir agus mar scéimh
41 Agus cuirfe tú ar Aáron
dhearbhrathair iad, agus an mhacui

maille leis: agus ungfuigh tú íad, agus coisreochuidh tú íad, agus náomhtochaidh tú íad, cor go ndéanuid miniostralachd dhamhsa a noifig an tsagairt.

42 Agus do dhéana tú bristighe linéadúigh dhóibh, dfolach a ttárnochd: ó ná háirnibh go nuige na sliasta roithechuid siad.

43 Agus béid siad ar Aáron, agus ar a mhacaibh, a nuáir thiucfaid siad a steach go tabernacuil an chomhchruinnigh, nó a nuáir thiucfaid siad a bhfogus do naltóir, do mhiniostralachd an sa náit náomhtha; go nach iomchraid égceart agus go néagfuid: biáidh sé na reachd go bráth dhó féin, agus dá shliochd na dhiáigh.

CAIB. XXIX.

Modh choisriogan na nsagart. 38 Na gnáthofrala Loisgthe. 41 Agús gealladh an tighearna.

AGus is é so an ní do dhéana tú riú dá náomhadh, do mhiniostrachd dhamhsa a noifig an tsagairt: glac éanbhulóg óg, agus dá reith gan cháidhe.

2 Agus arán gan laibhín, agus bairgheana gan laibhín, ar na gcumasc le hola, agus abhlanna gan laibhín, unghtha le hola: do phlúr chrúithneachda do dhéana tú íad.

3 Agus cuirfe tú a néinchléibhín íad, agus do bhéara tú leachd íad annsa chléibhín, maille ris an mbulóig, agus an dá reithe.

4 Agus do bhéura tú Aáron agus a mhic go dorus tabernacuil an chomhchruinnigh, agus nighfe tú íad le huisge.

5 Agus glacfa tú na culadha, agus cuirfe tú an cóta ar Aáron, agus róba an Ephod, agus an Téphod maille ris an uchdphláta, agus criosfuigh é lé crios céardamhuil an Ephód.

6 Agus cuirfe tú an Miter ar a cheann, agus cuirfe tú an choróin náomhtha ar an miter.

7 Ann sin glacfa tú an ola ungtha, agus doirtfe tú ar a cheann í, agus ungfa tú é.

8 Agus do bhéura tú a mhic leachd agus cuirfe tú cotuidhe orra.

9 Agus crioslochuidh tú íad le creasannuibh (Aáron agus a mhic) agus cuirfe tú na boinéit orra; agus biáidh oifig an tsagairt aca mar reachd siórruidhe; agus coisreochuidh tú Aáron agus a mhic.

10 Agus do bhéura tú fa deara bulóg do thabhairt as coinne an tabernacuil an chomhchruinnigh, agus cuirfe Aáron agus a mhic a lámha ar chionn na bulóige.

11 Agus muirfe tú an bhulóg as coinne an tighearna, ag dorus tabernacuil an chomhchruinnighe.

12 Agus glacfa tú dfuil na bulóige, agus cuirfe tú ar bheannuibh na haltora led mhéur, agus doirtfe tú a nfuil uile ré táobh na haltóra.

13 Agus glacfa tú an méathas uile fholchus an mionach, agus án scairt bhíos ós cionn na nae, agus an dá dhubhán, agus an gheir bhías orra, agus loisg ar a naltóir íad.

14 Achd feóil na bulóige, agus a sheithe, agus othrach loisgfe tú le teine táobh a muich don champa íad: is ofráil pheacaidh í.

15 Glacfa tú mar an gcéadna éanreith, agus cuirfe Aáron agus a mhic a lámha ar chionn an reithe.

16 Agus muirfe tú an reith, agus glacfa tú a fhuil, agus croithfe tú timchioll fa gcuáirt ar a naltóir í.

17 Agus gearrfa tú an reith na chodchuibh, agus nighfe tú a innidhe, agus a chosa, agus cuirfe tú (íad sin) a gceann a chodchan, agus a gcionn a chinn.

18 Agus loisgfe tú an reith iomlán ar a naltóir: is ofráil loisge don tighearna sin: is deaghbhaladh é ofráil déanta le tenidh don tighearna.

19 Agus glacfa tú an reith eile, agus cuirfe Aáron agus a mhic a lámha ar cheann an reithe.

20 Ann sin muirfe tú an reith, agus glacfa tú dha fhuil, agus cuirfe tú ar mháothán cluáisi deise Aáron, agus ar mháothán cluáise deisi a mhic, agus ar ordóig a láimhe deise, agus ar ordóig a ccoise deise i, agus croith a nfuil ar a naltóir timchioll fa gcuáirt.

21 Agus glacfa tú do nfuil atá ar a naltóir, agus don ola ungtha, agus croith í ar Aáron agus ar a chulaidh, & ar a mhacaibh, agus ar éaduighibh a mhac leis, agus biáidh sé náomhtha, agus a éaduighe, agus a mhic, agus éaduighe a mac leis.

22 Agus mar an gcéadna beanfa tú don reithe an gheir agus bun a nearbuill, agus an gheir fholchus na hineidhe, agus scairt na nae agus an dá dhubhán, agus an gheir atá orra, agus an slinnéun deas: óir is reithe choisrighe é.

23 Agus áon bhuilín arain, agus áon bhairghin darán oladha, agus éanabhlann as cléibhín a narain gan laibhín, atá as coinne an tighearna.

24 Agus cuirfe tú sin uile a lámhuibh Aáron, agus a lámhuibh a mac, agus croithfe tú anonn, agus a nall na nofráil chroithe a bhfiaghnuisi an tighearna.

25 Agus glacfa tú as a lámhuibh iad, agus loisgfe tú íad, ar a naltoir mar ofráil loisge, mar dheaghbhaladh a láthair an tighearna, is ofráil déanta le teinidh í don tighearna.

26 Agus glacfa tú uchd reithe choſ-
ricthe Aáron, agus croithſe tú é mar
ofráil chroithe íad a lathair an tighear-
na: agus budh í ſin do chuidſi.
27 Agus náomhthocha tú uchd na hof-
rála tonnuighe, agus ſlinnéan na hofrála
tógtha, noch tonntar agus noch tóg-
thar ſúas do reithe an choiſrighe, don
ní is le Háaron, agus don ní atá dá
mhacaibh.
28 Agus budh le Haáron agus le
na mhacaibh ſin maille ré reachd ſíor-
ruidhe ó chloinn Iſrael: óir is ofráil
thógtha í, agus budh ofráil thógtha ó
chloinn Iſrael í, do iodhburt na hofrála
ſíothchána í, a nofráil thógtha chum an
tighearna.
29 Agus budh le macaibh Aáron a
éaduighe náomhtha na dhiáigh féin, dá
nungadh ionta ſin, agus chum bheith
coiſreactha ionta.
30 Agus an mac ſin bhías na ſha-
gart na áit, cuirfidh ſé air íad ſeachd lá
a nuáir thiocfas go tabhernacuil an
chómhchruinnigh, do mhinioſtralachd ſa
náit náomhtha.
31 Agus glacfa tú reithe an choiſ-
reactha, agus bruithſe tú a fheóil ſa náit
náomhtha.
32 Agus íosfa Aáron agus a mhic
feóil an reithe, agus an tarán bhías
an ſa chléibhín, ag dorus thabernacuil
an chomhchruinnigh.
33 Agus iosfaid na néithe ſin lé ndear-
nadh an tſíodhcháin dá gcoiſreagadh,
agus dá náomhadh: achd ní íosfa coi-
mhightheach dhíobh ſin, do chionn go
bhfuilid náomhtha.
34 Agus má fhanan éanní don
fheóil choiſrighthe, nó don arán go
maidin; ann ſin loiſcfe tú an fuigheall le
teinidh: ní híoſtar é, do chionn go
bhfuil ſé náomhtha.
35 Agus is mar ſo do dhéana tú ré
Haáron agus ſé na mhacaibh, do réir
a nuile neithe do aithin mé dhíot:
ſeachd lá choiſreochus tú íad.
36 Agus ofrálfaidh tú gach áon
lá bulóg ar ſon ofrála pheacaidh, ar
ſon ſíothchána: agus glanfa tú a nal-
tóir, a nuáir do dheana tú ſíth ar
a ſon, agus ungfa tú í dá náomhadh.
37 Seachd lá do dhéana tú ſíth ar
ſon na haltóra, agus náomhthocha tú í:
agus biáidh na haltóir ro náomhtha:
giodh bé ar bith bheanas ris a naltóir,
biáidh ſé náomhtha.
38 A nois ſé ſo an ní ſin ofráil-
ſios tú ár a naltóir; dhá uan don
chéidbhliadhuin ó lá go lá go comhnuigh-
theach.
39 Aón lubhán díobh do dhéana tú
ofráil ar maidin: agus an lubhán eile
ofráilfe tú um nóin.
40 Agus le háon úan an deachmhadh
rann plúir, comaiſce leis an gceathra-
mhadh cuid do hin dola bhúailte, a-
gus an ceathramhadh cuid do hin fhíona,
mar ofráil dighe.
41 Agus an túan eile ofrailfidh
um nóin, agus do dhéana tú ris do r
na hofrála bidh ua maidne, agus
réir na hofrála dighe na maidne,
bholadh mhaith: is ofráil í déanta
teinidh don tighearna.
42 Biáidh ſo na hofráil chomhnuig
theach loiſcthe ar feadh bhur ngein
lach, ag dorus thabernacuil an chom
chruinnigh a bhfiaghnuiſi an tighearn
áit a tteigeamha miſi ribh, do labhai
ann ſin riot.
43 Agus ann ſin theigeomhus mé
cloinn Iſrael, agus do dhéantar an (ta-
bernácuil) náomtha leam ghlóir.
44 Agus náomhthocha mé taberna
an chomhchrúinnigh, agus a naltó
náomhthocha mé mar an gcéadna Aár
agus a mhic do mhinioſtralachd dham
a noifig an tſagairt.
45 Agus do dhéana mé comhnuig
a measg chloinne Iſrael, agus béid
Dhia aca.
46 Agus aitheonuid ſíad gur
an tighearna a Ndia, noch thug
mach íad as crích na Hégipte, ion
go gcoimhneochuinn na measg: is m
an tighearna a Ndia.

CAIB. XXX.

Cuma Altóra na Túiſe. 2 Earaic no ai fúaſglaidh chloinne Iſrael. 34 An nughadh 10 naomhtha.

AGus do dhéana tú altóir do loſca
túiſe uirre, do chrann Sitim
dhéana tú í.
2 Cubhad budh é fad, agus cubha
leithead: ceathairbheannach bhías ſí, a
biáidh a háirde dhá chubhad: (biáidh
beanna don ccéadna.
3 Agus fóileocha tú dór fhíorgh
í, a húachtar agus a táobh timch
ſa gcuairt, agus a beanna: agus
dhéana tú dhí coróin óir timchioll
gcuairt.
4 Agus do déana tú dhá fháinne
dhí, faoi an choróin, agá dá coirne
agá dhá taobh do dhéana tú íad, a
béid ſíad mar áitibh do bhatuidh
dá hiomchar leó.
5 Agus do dhéana tú na maididhe
chrann Sitim, agus foileochuidh tú
hór íad.
6 Agus cuirſe tú as coinne an fh
luigh í, atá laimh re háirc na fíadh
uiſi; as coinne ann tſuidhe thróca
atá ós cionn an fhiadhnuiſi, mar a tte
gamha miſi riot.
7 Agus loiſgſe Aáron túis dheagh
bholuidh gach aon mhaidin uirre
nuáir dheiſeocha ſé na lampuidhe, loiſ
ſé túis uirre.
8 Agus a nuáir laſfas Aáron
lampuidhe um noin, loiſgſe ſé tú
uirre, túis bhiobhúan a bhfiagnuiſe a
tighearn

tighearna, ar feadh bhur ngeinealach,
9 Ni loiſgfidhe túis choimhidheach
ar bioth uirre, nó íodhbuirt loiſge, no
ofráil bidh ; ni mo dhoirtfidhe ofrála
dighe uirre.
10 Agus do dhéana Aáron ſith ar
a beannuibh uáir ſan mbliadhuin, lé
fuil (ofrála) pheacaidh na ſithe : uáir
ſan mbliadhuin do déana ſé ſidh uirre
ar feadh bhur ngeinealach : atá ſi ro
náomhtha don tighearna.
11 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, ga rádh.
12 A núair ghlacfas tú ſuim chloinne
Iſrael do reir a nuibhre ; ann ſin do
bhéuruidh gach éanduine ſuáſcladh ar
ſon anma don tighearna, a núair aireo-
mhus tú íad, go nach biáidh plaígh na
measc, a núair aireomhas tú iad.
13 Is é ſo do bhéuruid uátha, gach
éanduine da rachaidh thort na measc atá
áirmhithe ; leithſhecel do reír na ſanc-
tóra, (ſecel is é ſin fithche gérah,) agus
leithſhecel ofráil an tighearna.
14 Gach uile dhuine dá tteid thort na
measg atá airmhithe, ó fhithchid bli-
adhan dáois agus ós a chionn, do bhé-
ura ſé ofráil don tighearna.
15 Ni thiubhra ſaidhbhir nios mó
uádha, agus an bochd ní thiubhra níos
lugha no leith ſhecel, a nuáir do bhéa-
ruid ofráil don tighearna, do déanamh,
ſithe dá bhur nanmannuibh.
16 Agus glacfa tuſa an tairgead ſithe
ó chloinn Iſrael, agus cinnſe tú é do
ſherbhís thabernacuil an chomhchrui-
nigh ; Ionnus go mbía na chuimhne do
chloinn Iſrael a lathair an tighearna,
do dhéanamh ſithe dá bhur nanmanuibh.
17 Agus do labhair an tighéarna re
Maóiſe dha rádh,
18 Do dhéana tú mar an gcéadna lá-
bhéir práis, agus a chos mar an gcéad-
na do phrás, do ionnladh (as ;) agus
cuirſe tú é idir thabernacuil an chomh-
chruinnigh, agus a naltoir, agus cuirſe tú
uiſge ann.
19 Oir ionneoluid Aáron agus a mhic
a lamha agus a gcoſa aige.
20 Agus a nuáir rachuid go taberna-
cuil an chomhchruinnigh, ionnoluid ſiád
lé huiſce, go nach bhfaghaid bás : nó
a nuáir thiocfaid a bhfogus do naltoir
do mhinioſtralachd, do loſgadh ofrála
déanta lé tenidh don tighearna.
21 Mar ſin nighfid a lamha agus a
gcoſa, go nach bhfaghaid bás : biáidh ſo
na reachd dhóibh go bráth, dóſan, agus
da ſhiól ar feadh a ngeinealach.
22 Tuilleamh fós, do labhair an ti-
ghearna re Maoiſe, ga rádh.
23 Glac thuſa mar an gcéadna chu-
gad ſpióſra oirdhearca, do Mhirr
ghloin cúig chéad ſecel, agus do Shi-
namon deaghbholuidh a leath oiread ſin,
dhá chéad agus caógad ſecel, agus do
chalamus déaghbholuidh dhá chéad agus
caógad ſecel.
24 Agus do Chaſſia cúig chéad ſecel
do reír ſhecel na ſanctóra, agus hin
dola chroinn ola.
25 Agus do dhéana tú ola dhe, dola
náomhtha, agus ola cumaiſchthe, do réir
ealadhan an photechari : biáidh ſi na
hola naómhtha chum ungtha.
26 Agus ungſa tú tabernacuil an
chomhchruinnigh lé, agus airc na fiadh-
nuiſe :
27 Agus an bórd, agus a ſhoithidhe
uile, agus an coinnleóir agus a ſhoithi-
dhe, agus altoir na túiſe.
28 Agus altoir na hofrála loiſge, gon
a huile ſhoithidhibh, agus an lábhéir,
agus a cos.
29 Agus naomthocha tú íad, ionnus
go mbéid ro naómhtha : giodh bé ar
bith ní bheanus riu biáidh ſé naomhtha.
30 Agus ungfa tú Aáron agus a
mhic, agus coiſreoca tú íad, chor
go minioſtrálfuid dhamhſa a noifig an
tſagairt.
31 Agus laibheóra tú re cloinn
Iſrael, da rádh : biáidh ſo na hola na-
omhtha ungtha dhamhſa ar feadh bhur
ngeinealach.
32 Ar fheóil duine ní doirtfighear í,
ní mó dhéantaoi ſamhuil di, do reir a
compóideachd : is naomhtha í, agus
biaidh ſi naómhtha dhaóibhſi.
33 Giodh bé ar bith dhéanas cu-
masc coſmhuil ría, nó giodh bé ar bith
chúirfeas di ar choimhightheach, géarr-
fuighear cheana a mach óna dhaóinibh é.
34 Agus a dubhairt an tighearna re
Maoiſe, glac chugad ſpióſra deaghbhal-
uidh, ſtact agus onicha, agus galbánum ;
na ſpióſra deaghbhaluidhſi maille re
túis ghloin, oiread re cheille dá gach
cuid díobh.
35 Agus do dhéana tú perfiúm dhe,
cumasc do réir ealadhan an photeceárí,
cumuſcthe ré chéile, fiórghlan (agus)
naómhtha.
36 Agus brúidhſe tú cuid de ſin ro
mhín, agus cuirſe tú cuid de as coinne
na fiadhnuiſe ann ſa tabernacuil an
chomhcruinnigh, áit a tteigeamha miſi
riot : biáidh ſé ro naomhtha dhaóibh.
37 Agus ar ſon na perfiúime do dhéa-
na tú : ni dhéantaoi dhíbh féin do reír
a chumaisc ſin : biaidh ſé dhuitſi na-
omhtha don tighearna.
38 Giodh bé ar bioth dhéanas ſamhuil
dó ſin do bholtnughadh, géarrfuighear
é amach ó na dhaóinibh.

CAIB, XXXI.

*Béſaleel maighiſdir ſaothair ar obair an ta-
bernacuil, 6 Agús a chomharbadha ; de-
únta lé Dia chum na hoibre.*

AGus do labhair an tighearna re Maó-
iſe, dá rádh.

2 Féuch

2 Féuch do ghoir mé go ainmnighe air
Bhéfaleel, mhac Uri: mhic Hur do
threibh Júdah:
3 Agus do líon mé é do fpioraid Dé,
a neagna, agus a ttuigfin, agus a neólus,
agus annfa nuile ghné oibre,
4 Do thionnfcnamh oibreach ngéar-
chúifeach, do oibriughadh a nór, agus
a nairgead, agus a bprás,
5 Agus a ngearradh cloch dá gcur,
agus ag ceirbhereadh adhmuid, doibriu-
ghadh ann gach uile fhórt oibre.
6 Agus mifi, féach, thug me maille
leis, Aholiab mhac Ahifamach do threibh
Dan; agus a gcroidhthibh gach a bhfuil
glicchroidheach do chuir mé eagna;
chor go ndéarnadaois a nuile ní do aithin
mé dhiótfa:
7 Tabearnacuil an chomhchruinnigh
agus airc na fiaghnuifi, agus an fuidhe
trócaire atá uirre, agus uile fhoithighe
an tabearnacuil,
8 Agus an bórd, agus a mbeanann
ris, agus an coinnleóir glan, gun a
ghleús uile, agus altóir na túife.
9 Agus altóir na hofrála loifge, maille
re na huile ionftramuintibh, agus a lá-
bhéir agus a cos.
10 Agus na héaduidhe ferbhife, agus an
culaidh naomhtha do Aáron an fagart;
agus na culadha dá mhacaibh, do mhini-
oftralachd a noifig an tfagairt.
11 Agus a nola ungtha, agus an
túis dhéaghbholaidh do náit naomhtha:
do reir a nuile ní do aithin mé dhiót,
do dhéanaid fiad.
12 Agus do labhair an tighearna re
Maóife, gá rádh,
13 Labhairfe fós ré cloinn Ifrael ga
rádh, go deimhin coimhéadfuidhe mo
fhábbóid: oir is comharth eadrum féin
agus fibhfe i, ar feadh bhur ngeinea-
lach: go mbia a fhios aguibh gur mé
an Tighearna náomhas fibh.
14 Cuimhdeochtháoi an Sabbóid ar a
nadhbharfin: óir atá náomhtha dhaóibh.
A nuile dhuine bhrifios i, cuirfighear go
deimhin chum báis é: óir gidh bé neach
oibrigheas éainní innte, gearrfuighear
anam fin ó bheith a meafg a dháoine.
15 Sé lá is fhédir obair do dhéanamh,
achd an feachdmhadh lá fé Sábóid an
tfocamhuil é, náomhtha don tighearna:
gidh bé dhéanas obair ar bith a ló na Sá-
bóide, cuirfighear go deimhin chum báis é.
16 Ar a nadhbharfin cuimhdeochuid
clann Ifráel an Tfábboid, do choimhéud-
ugh Sabóide ar feadh a ngeinealach mar
chunnradh fiorruidhe.
17 Is comhartha eadrumfa, agus clann
Ifrael go brath é: óir ann a fé lá do
rinne an tighearna neamh, agus talamh,
agus ar an feachdmhadh lá do fcuir fé,
agus do léig fcith.
18 Agus tug fé do Mhaóife, ar nuáir
do chríochnuigh fé a chomhrádh leis
ar fhliabh Sinai, dhá chlár na fiadhnuife,
clár chloiche fgríobhtha lé méur Dé.

CAIB. XXXII.

An laogh órrdha. 16 Fearg Dé, 19 Mbrifeadh na cclár cloiche; 27 Agus an marbhadh dhàoine, tháinic re linn.

AGus a nuáir do chonnairc an pobal go
fhaddáil Maóife teachd a nuas o
tfliabh, do chruinnigheadar an pobal
iad féin go Haáron, agus a dubhradar ris,
éirigh fúas, déana dhúinn Dée rachas
romhuinn: Oír an Maóife fo, an té thug
as crích na Hégipte finn, ní feas dúinn
créad do imthigh air.
2 Agus a dubhairt Aáron riú, bria-
figh na clúasfháinnidhe óir atá a
chlúafuibh bhur mban, agus bhur mac,
agus bhur ninghean, agus tugaidh chu-
gamfa íad.
3 Agus do bhrifeadar an pobal
clúasfhainnidhe óir diobh, noch do bhí
iona cclúafuibh, agus tugadar go Háron
íad.
4 Agus do ghlac fé as a lámhaibh
iad, agus do chum é lé hoirnis ghrabh-
tair ós láoigh leaghtha do dhéanamh
dhe: agus a dubhradarfan, a fiad fo
Dhée fi, ó a Ifrael, noch thug amach
as crích na Hégipte tú.
5 Agus a nuair do chonnairc Aáron
fin, do thóg fé Altóir as a chomhair;
agus tug Aáron fúagra, agus a dubh-
bhairt, is lá feafta a márach ag an ti-
ghearna.
6. Agus do éirgheadar fúas go moch
ar na mhárach, agus do ofráladar ío-
buirt loifge, agus tugadar ofrála fí-
leó, agus do fhuidh an pobal fíos do
agus dól, agus do éirgheadar fúas
fhúgradh.
7 Agus a dubhairt an tighearna
Maóife, éirigh, imthigh romhad fíos:
do phobal, noch thug tú amach as crích
na Hégipte, do thruáillligheadar íad féin.
8 Do fhilleadar go hobann as an
tflighe do aithin mifi dhíobh: do rinne-
dar láogh leaghtha dhóibh féin, agus
adhradar dhó, agus do iodhbradar dhó,
agus a dubhradar, is iad fo do Dhée
fi, ó a Ifrael, noch thug thu amach as
crích na Hégipte.
9 Agus a dubhairt an tighearna
Maóife, do chonnairc mé an pobal,
agus féuch is dáoine cruadhmhu-
íad.
10 Annois uime fin léigfi dhamh
ionnus go lafaidh mo dhibfhearg na a-
ghuidh, agus go fcriosfa mé iad: agus
dhéana mé cineadh mór dhíotfa.
11 Agus do ghuidh Maóifi an ti-
gheárna a Dhia, agus do ráidh, a ti-
ghearna créad fa lafian thfearg a naghaidh
do phobail; noch thug tú amach as
crích na Hegipte, lé cumhachtuibh móra,
agus lé láimh láidír.
12 Créad as a laibhéoradh na
Hégiptigh, agus a naibeoradh, ...

olc rug sé leis amach iad, dá marbhadh
ann sna sléibhtibh, agus dá scrios da-
bhuidh na talmhan: iompóigh ód fheirg
bhuirb, agus claochló don ulcso a na-
ghaidh do phobail.
13 Cuimhnigh Abraham, Isáac a-
gus Israel, do sherbhisigh, dá ttug tú
thú féin mar mhionnuibh, & a dubhairt
tú riu, do dhéana mé bhur síol comh-
iomhur re réultuibh nimhe, agus an
dúthaidhsi uile air ar labhair mé, do
bhéura mé dá bhur síol, agus béid iona
noighreachd gu bráth.
14 Agus do ghlac aithreachas an ti-
ghearna fan olc do smuáin sé do dhea-
namh dhá phobal.
15 Agus do fhill Maóisi, agus do
chuaidh sé síos ón tsliabh, agus do bhí
dhá chlár na fiadhnuisi na láimh: do
bhádar an dá chlár scríobhtha ar gach
taobh; ar an ttáobhsi, agus ar an ttáobh
eile do bhádar scríobhtha.
16 Agus do bé obair Dé na cláir; &
do bí an scríbhin, scríbhinn Dé, ar na
tarruing ar na cláruibh.
17 Agus a nuáir do chúala Josua gio-
rac an phobuil mar do gháireadar, a
dubhairt sé re Maóise, atá gáir chogáidh
a nsa champa.
18 Agus a dubhairt seision, ní hé guth
na ndáoine noch gháireas fa bhuáidh,
ní hé guth na ndáoine éimhgheas ar son
a gcláoite: (achd) fuáim na ndáoine
do ni-cantaireachd, do chluinimsi.
19 Agus tarla, ar ball a ttáinic
sé láimh ris an gcampa, go bhfa-
caidh se an láogh, agus an damhsa:
agus do ghríosuigh fearg Mhaóisi, a-
gus do theilg sé na cláir as a lámhuibh,
agus do bhris síoi bhun an tsleibhe
iad.
20 Agus rug sé ar an láogh noch
do rinneadar, agus do loisc sé san
teinidh é, agus do mheil sé na phúdar
é, agus do leathnuigh sé ar a nuisce é,
agus tug ar chloinn Israel cuid de sin
dól.
21 Agus a dubhairt Maóise re Ha-
áron, Cread do rinneadar na dáoinesi ort,
as a ttug tú a chomhmór so do pheacadh
orra?
22 Agus a dubhairt Aáron, ná hadh-
nadh fearg mo thighearna: atá fios na
ndáoine agadsa, go bhfuild siad ullamh
chum urchóide.
23 Oir a dubhradar riomsa, déana
Dee dhúinn noch rachus romhuinn; óir
at fan an Mhaóisi si, an fear thug leis
sinn amach as crích na Hégipte, ní feas
dúinn cread do imthigh air.
24 Agus a dubhairt misi riú, gidh
bé agá bhfuil éinréud óir, briseadh sé
she é: mar sin tugadar dhamhsa é:
annsin do theilg mé san tenidh é, agus
táinic an láoghsa amach as.
25 Agus a nuáir do chonnairc Maóise
gó rabhadar na dáoine tárnochd (óir do
rinne Aáron lomnachda iad mar náire
dhóibh a measc a naimhad.)

26 Ann sin do sheas Maóise a ngeata
an champa, agus a dubhairt, cia atá
do tháoibh an tighearna, (tigeadh
sé) chugamsa: agus do chruinnigh-
eadar mic Lébhi uile chuige a cceann a
chéile.
27 Agus a dubhairt sé riú, is mar so
a deir an tighearna Día Israel, cui-
readh gach éanduine a chloidheamh ar
a tháobh, agus éirgeadh a steach agus
a mach ó gheata go geata ar feadh an
champa, agus marbhadh gach áonduine
a dhearbhrathair, agus gach áonduine a
chompánach, agus gach áonduine a
chomharsa.
28 Agus do rinneadar clann Lébhi,
mar a dubhairt Maóise; agus do thuit
don phobal an lá sin timchioll trí míle
fear.
29 Oir a dubhairt Maóise, coisrea-
guidh sibh féin a niugh don tighearna
gach uile dhuine ár a mhac, agus ar a
dhearbrathair, chor go mbronnsa sé
beannachd dháoibh san ló a niugh.
30 Agus tárla ar na mhárach, go ndubh-
airt Maóise ris an bpobal, do rinnea-
bhair peacadh mór: agus annois racha
misi suas gus an tighearna, dob éidir
go ndéanuinn síothcháin ar son bhur
bpeacaidh.
31 Agus do fhill Maóise gus an
ttighearna, agus a dubhairt; oh, do
pheacaidheadar an mhuinntirse peacadh
mór, agus do rinneadar Dée óir dóibh
féin.
32 Gidheadh annois, madh áill leachd
maith dhóibh a bpeacadh; nó muna ma-
ithfe tú dhóibh, cuir misi as do leabhar
(iarruim dathchuinge ort) noch do
sgríobh tú.
33 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóise, ciodh bé ar bith do pheacaidh
am aghaidhsi, is é chuirféas mé as mo
leabhar.
34 Uime sin éirigh annois, treóruigh
an pobal do náit a dubhairt mé riot;
feuch, rachaidh maingeal romhad: gidh-
eadh an lá thiucfas me dfheachuin orra,
leanfuidh mé a bpeacadh orra.
35 Agus do chuir an tighearna plaigh
ar a bpobal, do chionn an láoigh do
dheanamh, noch do rinne Aáron.

CAIB. XXXIII.

Aithreachus an tsluaigh. 14. iochd agus annsachd an tighearna.

AGus a dubhairt an tighearna ré
Maóise, gluáis as so, agus éirigh
suas as so thú féin, agus an pobal
thug tú leachd a mach as crích na Hé-
gipte, don tír do mhionnuigh misi do
Abraham, do Isaac, agus do Jácob, dhá
rádh, dot shiol do bhéura mé é.
2 Agus cuirse me Aingeal ro-
mhad

mhad, agus dibeóra mé amach an Cananiteach, an Tamoríteach, an Hitíteach, an Periſíteach, an Hibhíteach, agus an Iebuſíteach:

3 Go tír ſá thuile bhainne agus mheala: óir ní racha miſi ſuas bhur meaſgóir atátháoi bhar ndáoinibh cruadhmhuinil, deagla go ndíobháighſinn ſibh ar a tſlighe.

4 Agus a nuáir do chúala an pobal na droichſceala ſa, do dhubhadar, agus níor chuir éanduine a bhreádhachd air.

5 Oír a dubhairt an tighearna ré Maoiſe, abuir ré cloinn Iſrael, is Pobal crúadhmhuinil ſibh: tiucſa mé ſúas ion bhur lár a moment, agus díoghbháighſe mé ſibh: uime ſinannois cuir dhíot do dheiſeachd uáit; ionnus go bhfeadarſa créad do dheana mé riot.

6 Agus do nochdadar clann Iſrael íad féin as a mbréadhachd, láimh re ſliabh Hóreb.

7 Agus rug Maoiſe ar an tabernacuil agus do ſhuighidh táobh a muigh don champa é, a bhfad ón champa, agus do ghoir tabernacuil an chomhchruinnigh dhe: agus tárla gach áon da níarradh an tighearna, go ttigeadh amach go tabernacuil an chomhchruinnigh, noch do bhí táobh a muigh don champa.

8 Agus tárla, a nuáir do chuaidh Maoiſe gus an tabernacuil, gur éirigh an pobal uile, agus gur ſheas gach éanduine dhíobh ag dorus a lòiſtín féin, agus gur fhéuchadar a ndiáigh Mhaóiſe, nó go neachuidh don tabearnacuil.

9 Agus tárla, mar do chuaidh Maoiſe a ſteach ſan tabearnacuil, go ttáinic an piléur néullach a núas, agus gur ſheas ag dorus an tabernacuil, agus do labhair an tigearna ré Maóiſe.

10 Agus do chonnairc an pobal uile an piléur néullach na ſheaſamh ag dorus an tabernacuil: agus do éirgheadar an pobal uile na ſeaſamh, agus do adhair gach áonduine aca a ndorus a lóiſtin féin.

11 Agus do labhair an tighearna re Maóiſe aghuidh ar aghuidh, mar do laibheòradh duine re na chompánách. Agus do fhill a rís don champa; achd a ſherbhíſeach Joſua, mac Nun, an toganach, ni dheachuidh ſé as an tabearnacuil amach.

12 Agus a dubhairt Maóiſe ris an tighearna, ſeuch, a deir tú riumſa, beir ſúas an pobalſa: agus ní thug tú a fhios damh cia chuirfeá liom. Gidheadh a dubhairt tú, atá a fhios agum cía thú as hainm, agus fuáir tú gráſa mar ann gcéadna an mo radharc.

13 A nois uime ſin iarruim dathchuinghe ort; ma fuáir mé gráſa an do radharc, taiſbéan damh a nois do ſhlighe, le mbía haithne agum, a bhfuighe mé gráſa an do radhar agus meas gurob íad an cineadhſo phobal.

14 Agus a dubhairt ſeiſion, rachuid maghuidh (leachd) agus do bheura ſúáimhneas duit.

15 Agus a dubhairt ſé ris, mu ndeachuidh haghaidh (liom) ná beir as ſo ſinn.

16 Oir cionnus bhías a fhios ann go bhfuáir miſi agus do phobal grá ann do radharc? nach le thuſa do di linn? mar ſin deálochthar ſinn, miſi gus do phobal ó nuile phobal, bhfuil ar dhruim ná talmhan.

17 Agus a dubhairt an tighearna Maóiſe, do dhéana mé an ní ſo mar gcéadna a dubhairt tuſa: óir fuáir gráſa ann mo radharc, agus atá aith agum ort ad ainm féin.

18 Agus a dubhairt ſeiſion, iarru dathchuinge ort, taiſbean do ghló dhamh.

19 Agus a dubhairt ſeiſion, do bhé ra mé ar mo mhaitheas uile dul mhad, agus fuaigeora mé ainm an tig earna romhad: agus biad gráſamh don ti dá mbía mé gráſamhuil, agus ta béanfad trócaire don ti dá ttaiſbéana trócaire.

20 Agus a dubhairt ſeiſion, ní fhé dann tú maghuidh dfaicſin: óir fhaicſe éanduine mé, agus marthuinn dhiáighſin.

21 Agus a dubhairt an tighearn féuch, atá áit láimh riom, agus ſea tuſa ar charruic,

22 Agus tiucſá dhe, an feadh bhí mo ghlóir ag gabháil thort, go ccui mé thuſa a ſtoilteadh don charruic, ag foileocha mé thú leam láimh, an fead bhías mé ag gabháil thort.

23 Agus toigeobha mé mo lámh, a do chíſe tú an chuid ſhiar dhíom: ach ní faicfighear mo ghnúis.

CAIB. XXXIV.

Athnuaghadh na cclár. 9. Admhail urnaidh Mhaoiſe. 12. Reachda iomar 28. Troſgadh, & folach ghnúis Mhaoiſ.

AGus a dubhairt an tighearna re Maoiſe, ſnoigh dhuit féin dá chlá chloiche, már na céad chláir: ag ſcriobhtha miſi ar na cláruibhſin na bh athra do bhí ann ſna céadchláruibh bhris tuſa.

2 Agus bi réidh ar maidin, agus tá ſúas ar maidin go ſliabh Sinai, agus ta béan thú féin ann ſin damhſa a mullach an tſléibhe.

3 Agus ní thiocſa éanduine leachd ſúa agus ná léig éanduine dfaicſin ar fead an tſléibhe uile, agus ná leig na tréad nó na healbhadha dinghilt as coinne a tſleibhe ſin.

4 Ag

4 Agus do shnoigh sé dhá chlár chloi-
che, do nós na gceadchlár: agus do ei-
righ Maóise go moch ar maidin, agus do
chuaidh súas ar shliabh Sinái, mar do ai-
thin an tighearna dhe, agus rug iona
láimh leis an dá chlár chloiche sin.
5 Agus tháinic an tighearna a núas
annsa néull, agus do sheas na fhochair
(annsin) agus do fhúagair ainm an ti-
ghearna.
6 Agus do ghabh an tighearna thairis
as a choinne, agus do fhógair; An ti-
ghearna, an tighearna Día, trócaireach,
agus grásmhuil, fadfhuilnghtheach, agus
iomlán do mhaith agus dfírinne,
7 Ag coimhéad trocaire do mhíltibh,
ag maitheamh éigceart, sáruighthe, agus
pheacaidh, agus nach saorfuidh ar ean-
chor na ciontuigh, ag leanmhuin chion-
tadh na naithreach ar an gclòinn, agus
ar chloinn na cloinne, go nuige an treas
agus an ceathramadh glún.
8 Agus do rinne Maóise deithneas, agus
do chrom a cheann chum na talmhan,
agus do adhair sé.
9 Agus a dubhairt, má fuáir mé an-
nois grása ann do radharc, ó a tighearna,
tigeadh an tighearna nar measg, guidhim
thú, (óir is dáoine cruádhmhuinil iad) a-
gus maith ar ccoir agus ar bpeacadh,
agus glac sinn mar hoighreachd féin.
10 Agus a dubhairt seision, féuch,
do ním cunnradh: as coinne do phobail
uile do dhéana mé ionganta; a leitheid
nach déarnadh san domhan uile nó a
néanchrich: agus do chífid an pobal
uile a measc a bhfuil tú, do chífid
obair an tighearna; oír is ní uathbhá-
sach do dhéana mé riot.
11 Coimhedsa an ní áitheonus mé
dhiot, annsa ló niugh, féuch tiomainse
mé a mach romhad an Tamoríteach, agus
an Cananíteach, an Hitíteach, agus
an Perisíteach, agus an Hibhíteach agus
an Jebusíteach.
12 Tabhair haire dhuit féin deagla
go ndéantá cunnradh ré dúthchasuibh na
tíre iona bhfuil tú ag dul: deagla go
mbíadh sin na dhul ann do lár astigh.
13 Achd scriosfaidh sibh a naltóra,
brisfigh sibh a níomháighe, agus gearr-
fuidh sibh sios a ngarrain.
14 Oir ní adhrocha tú Dia ar bith
eile: oír an tighearna, a bhfuil ainm
eadmhur, as Día eádmhar é.
15 Deagla go ndéantá cunnradh ré
dúthchasuibh na tíre, agus go racha-
daóis do striapachus a ndiáigh a Ndée
sin, agus iodhbuirt do dhéanamh da
Ndeeibh, agus go ngairfeadh duine
thusa, agus go niosfa dá iodhbuirt.
16 Agus go nglacfá a ninghiona
dot mhacaibh, agus go rachadaois a
ningheana do striapachus a ndiáigh na
Ndée sin, agus go ttiubhraidís ar do
mhacaibhsi dul do striapachus a ndiáigh
a Ndeé.
17 Ni dhéana tú Dée leaghtha dhuit
féin.
18 Cuimhdeocha tú féasta a naráin
gan laibhín: séachd lá iosas tú arán
gan laibhín, mar do aithin misi dhíot,
a naimsir na míosa Abib: Oir is ann
sa mhí Abib tháinic tú a mach as an
Egipt.
19 A naile ní osclus an bhrú, is
liomsa é: agus a nuile phrimidil a me-
asc hairnéisi, más damh é na caóra
(bhiás firionn.)
20 Achd céadghin assail fuáisceola
tú le húan: agus muna bhfuascla
tú é, annsin brisfe tú a mhuinéul. Fuais-
ceóla tú céidbhreith do mhac uile:
agús ní thiucsa éanduine dom lathairsi
folamh.
21 Sé lá dó dhéana tú obair; achd
annsa seachdmhadh lá do dhéana tú
comhnuigh; a naimsir treabhtha, agus
annsa bfhóghmhar do dhéana tú suaimh-
neas.
22 Agus cuimhdeocha tú féasta na sea-
chdmhuineadh, na gcéadthoradh fogh-
mhuir na cruithneachta, agus féasta an
tárrloígh a ndeireadh na bliadhna.
23 Trí huáire san mbliadhuin tiocfaid
do chlann mhac uile, a lathair an ti-
ghearna Día, Día Israel.
24 Oir teilgse misi na cinidheacha a
mhach romhad, agus leígse mé fairsinge
chum do thórannadh: ní mó iarrsas éan-
duine do dhúthaigh, an tan rachus tú
súas dot thaisbeanadh féin a lathair an ti-
ghearna do Dhía trí huaire san mbli-
adhuin.
25 Ní ofráilse tú fuil mo íodhbarta ma-
ille re laibhín: ní mó léigfighear fhéasta
iodhburtha na cásca chum na maidne.
26 An chéad chuid do chéad toradh
thfearninn do bhéura tú go tigh an ti-
ghearna do Dhía: ní bhruighse tú mean-
nan a mbainne a mathár.
27 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóise; scríobhsa na focailsi: oír
is do reir chéille na bhfocalsa do rinné
misi cunnradh riot féin, agus re Hisr-
rael.
28 Agus do bhí sé ann sin a bhfochair
an tighearna cheathrachad lá agus cea-
thrachad oidhche: nior ith sé arán, agus
niór ibh sé uisce: agus do sgriobh (an
tighearna) ar na cláruibh focail an chunn-
artha, na deich naitheanta.
29 Agus tárla, a núair tháinic Maó-
ise a núas ó shlíabh Sinai, maille re
dhá chlár na fiadhnuisi a láimh Mhaóise,)
a núair tháinic sé anúas on tsliabh,
nach raibh a fhios ag Maóise, gur dheall-
ruigh croiceann aighthe an feadh do bhí
ag comhrádh rision.
30 Agus a núair do chonnairc Aáron
agus clann Israel uile Maóise, féuch do
lonnruigh croicionn aighthé, agus do
bhí eagla orra teachd na ghar.
31 Agus do ghoir Máoisi chuige
iad; agus do fhill Aáron, agus úachda-
ráin an chomhchruinnigh uile chuige:
agus do labhair Maóise riú.

32 Agus na dhiáigh sin tangadur clann Israel uile a ngar dhó: agus tug se dhóibh aithne sa nuile ni dar labhair an tighearná ris air sliabh Sinai.

33 Agus do chuir Maóise folach ar aghaidh, nó gur scuir se do labhairt riú.

34 Achd a núair do chuaidh Maóisi a steach as coinne an tighearna do labhairt ris, do chuir an folach dhe, nó go ttainic a mach: agus tainic a mach agus do labhair re cloinn Israel an ní do haithnigheadh dhe.

35 Agus do chonnadar clann Israel aghuidh Mhaóisi, gur dheallraidh croiceann aighthe Mhaóise: agus do chuir Maóisi an folach ar aghaidh a rís no go ndéachuidh a steach do chaint ris.

CAIB. XXXV.

Aithne chinnteach uma nasabboid. 4. le Saorthiodhluicthe an phobuil.

AGus do chruinnigh Maóise comhchruinniughadh chloinne Israel uile a gcionn a chéile agus do raidh riú, a siád so na briathra do aithin an tighearna dhibhsi go ndéarnadh sibh iad.

2 Sé lá do dheántar obair, achd an seachdmhadh lá biáidh sé na lá saóire aguibh, sáboid shéaimhneasa don tighearna: giodh bé ar bith oibhrigheas annsin, cuirfighear chum bais é.

3 Ní dheargsuidhe teine ar feadh bhur náiteach a ló na sabóide.

4 Agus do labhair Maóise re comhchruinniughadh chloinne Israel uile, dha rádh; as é so an ní do aithin an tighearna, gá rádh.

5 Tógbhuidh eadruibh ofrail don tighearna: giodh bé ar bith gá bhfuil croidhe toileamhuil, tugadh sé leis í, ofrál don tighearna; ór agus airgead, agus prás.

6 Agus gorm, agus purpuir, agus scárlóid, agus línéadach finealta agus fionna gabhar.

7 Agus croicne reitheadh daite dearg, agus croicne broc, agus adhmad Sitim.

8 Agus olá chum án tsoluis, agus spiosra chum ola ungtha, agus don túis dheaghbhaluidh.

9 Agus clocha Onix, agus clocha re gcur san ephod, agus annsa nuchdphláta.

10 Agus tiocfá gach uile dhuine glicchroidheach eadruibh, & déanuidh gach éainní dar aithin an tighearna.

11 An tabernacuil, a lóistin, agus a fholach, a tháiste, a chláir agus a bharruidhe, a philéir agus a shoicéid.

12 An airc agus a maididhe maille ris an tsúidhe thrócaire, agus folach a chinn.

13 An bórd, agus a mhaididhe, & shoithighe uile, & an tarán taisbeanta

14 An coinnleóir mar an ccéad chum an tsoluis, agus a mbeanann ri agus a lampuidhe maille ris a nola ch an tsoluis.

15 Agus altoír na túisi, agus a mai idhe, águs a nola ungtha, agus an tú deaghbholuidh, agus bruit an doruis dul a steach an tabearnacuil.

16 Altoír na hofrála loisge mai re na ghráta práis, gun a maididhibh, a soithighibh uile, an labhéir agus chos.

17 Bruit na cúirte, a piléir, & a bhu agus brat doruis na cúirte.

18 Tairngidhe an tabernacuil, a tairngidhe na cúirte, & a gcorduidh

19 Culadha na serbhise, do dhéana serbhise annsan (áit) naomhtha, téadach naomtha do Aáron an saga agus éaduighe a mhac do mhinios lachd a noifig an tsagairt.

20 Agus do imthigheadar com chruinniughadh chloinne Israel uile lathair Mhaóise.

21 Agus tangadur gach éanduine a ar chorruigh a chroidhe suas é, gach éanduine do rinne a spio aontadhach, agus tugadar leó ofrail tighearna chum oibre thabernacuil chomhchruinnigh, agus chum a sherbh uile, agus chum a éaduighe náomhtha.

22 Agus tangadar ar áon fir mná, an mhéid do bhí do chroidhe t ileamhuil; agus tugadar bráisléid a cluasfháinnidhe leó, agus fáinnid agus táibleid, a nuile shéud óir, gach áon dar ofráil; do ofráil sé o óir don tighearna.

23 Agus gach áon agár frith go agus purpuir agus scarlaoid, agus lín dach finealta, agus fionnadh gabhar, croicne dearga reitheadh, agus cro broc, tugadar leó iad.

24 A nuile dhuine dar ofráil, o airgid nó phrais, tug sé ofrail an tigh na leis: agus gach áon ag ar frith chrannuibh Sitim chum oibre na s bhise, thugadar leó iád.

25 Agus na huile mhná do bhí g chroidheacha do shníomhadar le n mhuibh, agus tugadar leó an ní shníomhadar, ar áon do ghorm, ag phurpuir, agus do scárláoid, agus do neadach.

26 Agus na huile mhná ar chorr a ccroidhe súas iad a ngliocus, do sh mhadar fionnadh gabhar.

27 Agus tugadur na huachdar clocha Onix leó, agus clochá da g ann sa Nephod, agus ann sa Nuchd náomhtha.

28 Agus spiosra, agus ola chum an t luis, agus chum na hola ungtha, & d na túise deaghbholuidh.

29 Tugudar clann Israel ofráil th teannach leó chum an tighearna: a n

ſhear agus bhean a ndearna a ccroidhe
toilteanach iad, do thabhairt neithe leó
chum gach uile ſhórt oibre, noch do ai-
thin an tighearna do dhéanamh lé láimh
Mhaoiſe.
30 Agus a dubhairt Maóiſe re cloinn
Iſrael: féuchaidh, do ghoir an tighearna
go hainmneamhuil Beſaleel mac Uri
mhic Hur do threibh Júdah.
31 Agus do lión ſé do ſpioraid Dé é, a
ngliocus, a ttuicſe, agus a neolus, agus
ann a nuile ghné oibre ;
32 Agus do chumadh oibreach gcúirialta,
doibriughadh a nór, a nairgead, agus a
bprás.
33 Agus a ngearradh cloch da gcur,
& a ſnoigheadh adhmuid, do dhéanamh
gach aon ghné oibre eóluigh.
34 Agus do chuir ann a chroidhe go
muinfeadh, é féin, agus Aholiab mac
Ahiſamach do threibh Dan.
35 Do lion ſé iad ſin do eagna chroi-
dhe, doibriughadh a nuile gné oibre an
tſaoir, agus a noibrighe glic, agus an
té oibrigheas lé ſnaithid a ngorm, agus
a bpurpuir, agus a ſcarláoid agus a
lion ſhinéalta; agus a nfigheadóra, noch
do ni obair ar bith, agus chumus obair
ghéarchúiſeach.

CAIB. XXXVI.

Tailleas thabhartais an phobail. 8. Ata obair an Tabernacuil ar tionnſgnadh réir mar do orduigh Dia.

AN ſin do oibrigh Beſaleel, Aholiab,
agus gach éanduine glicchroidheach
ann ar chuir an tighearna críonnachd,
agus tuigſe dfaghail eóluis cionnus do
oibreochadh gach uile ſhórt oibre do
ſherbhis na ſanctóra, do réir a nuile ní
dar aithin an tighearna.
2 Agus do ghoir Maóiſi Beſaleel
agus Aholiab, agus gach áonduine glic
a ccroidhe, ar chuir an tighearna eó-
lus iona chroidhe, eadhon gach éanduine
ar chorruigh a chroidhe é, do theachd
chum na hoibre dá déanamh.
3 Agus do ghlacadar ó Mhaóiſe a nuile
ofrail noch thugadar clann Iſrael leó
chum oibre ſherbhiſe na ſanctóra do dhéa-
namh leis ſin: & tugadar chuige fós of-
rála dhá ttoil gach maidin.
4 Agus tangadar na daóine glioca
uile do oibrigh obair na ſanctóra uile,
gach aonduine óna obair nóch do rin-
neadar.
5 Agus do labhradar ré Maóiſe,
ghá rádh, ataid an pobalſa ag tabh-
airt leó ní is ro mhó ná rigthear a leas
chum ſerbhiſe na hoibre do aithin Día do
dhéanamh.
6 Agus tug Maóiſe aithne, agus tuga-
dar fa deara fógra ar feadh an champa
ghá radh, Ná déanadh fear nó bean aguibh
ſ is mó dobair, ar ofráil na ſanctora.
Marſo do toirmioſgadh an pobal ó (ní)
do thábhairt leó.
7 Oir budh lór a ttugadar leó do
dhéanamh na hoibre uile, agus ní budh
mó.
8 Agus gach éanduine glicchroi-
dheach na meaſc dar oibrigh obair an ta-
bernacuil, do rinne ſé deich gcúirtine
do lion ſhinealta chaſta, agus gorm
agus purpuir agus ſcárláoid do cheru-
binibh, dobair chéardamhuil do rinne
ſé iad.
9 Budh é fad gach éanchúirtin fithche
agus ochd gcubhaid, & do budh é lei-
thead gach éanchúirtin ceithre cubhaid:
do bhádar na cúirtine uile deinmheid.
10 Agus do coimhcheangail ſé na cúig
cúrtine aon dar oile, agus na cúirti-
nigh eile do choimhcheangail ſe aon
dar oile.
11 Agus do rinne lúba do ghorm ar
imeal aon chúirtin ón ccíumhuis anſa
ccoimhcheangal: mar an gcéadna do
rinne annſa taobh amuich do chúirtin eile
a ccoimhcheangal an dara cúirtin.
12 Caogad lúb do rinne ſé a néan-
chúirtin agus cáogad lúb do rinne ſé a
nimiol an chúirtin do bhí a ccoimhcheam-
gal an dara cúirtin: do chongmhadar
na lúba gach éanchúirtin re chéile:
13 Agus do rinne cáogad taitſe
óir, agus do choimhcheangail na cúirtine
gach aon dar óile les na taitſibh:
Ionnus go biadh ſé na éantaberna-
cuil.
14 Agus do rinne cúirtine dfionnadh
gabhar don lóiſtin ós cionn an ta-
bernacuil: éan cúirtin déag do rinne
dhiobh.
15 Do budh é fad éanchúirtin di-
obh, tríochad cubhad, agus ceithre cu-
bhaid do budh é leithead déanchúir-
tin: do bhádar an táonchúirtin déag
déinmheid.
16 Agus do choimhcheanguil cúig
cúirtine leó fein, agus ſé cúirtine leó
féin.
17 Agus do rinne cáogad lúb ar a ni-
meal a muigh don chúirtin annſa choimh-
cheangal, cáogad lúb do rinne ſé ar imeal
an chúirtin, noch choimhcheanglas an
dara cúirtin.
18 Agus do rinne ſé cáogad táiſte do
phrás, do choimhcheangal an lóiſtin dá
chéile, chor go mbia na éanlóiſtin.
19 Agus do rinne folach don lóiſ-
tin do chroicnibh reitheadh daite dearg,
agus folach do chroicnibh broc ós a
chionn.
20 Agus do rinne búird don ta-
bernacuil do chrann Sitim na ſeaſamh
ſúas.
21 Do budh é fad bhuird dhiobh deich
ccubaid, agus budh é leithead buird éan-
chubhad go leith.
22 Do bhádar dhá mhoirtis a néan-
bhord, ionann fad da gach aon diobh ó
chéile: marſo do rinne ſé duile bhór-
duibh an tabernacuil. 23 Agus

23 Agus do rinne buird don tabernacuil: fithche bórd don taóibh ó dheas.

24 Agus do rinne ceathrachad soicéad dairgead fáoi an bhfichid bórd, dhá shoicead fáoi éanbhórd da dhá mhoirtis, agus dhá shoicéad fáoi bhórd eile da dhá mhoirtis.

25 Agus don taobh eile don tabernacuil, noch atá leith ris an gcoirnéal thuaidh, do rinne sé, fithche bórd.

26 Agus a gceathracad soicéad airgid: dhá shoicéad fá éanbhórd, & dhá shoicéad fa bhórd eile.

27 Agus do tháobhuibh an tabernacuil leith shiar, do rinne sé sé buird.

28 Agus do rinne sé dha bhórd do choirnealuibh an tabernacuil iona dha thaobh.

29 Agus do bhádar coimhcheangailte shíos, & coimhcheangailte dá chéile agá cheann déanfháinne: mar so do rinne sé riu aráon ann sa dá choirnél.

30 Agus do bhádar ochd mbuird, agus a soicéid sé soicéid déag airgid, dha shoicead faoi gach eanbhórd.

31 Agus do rinne barruidhe do chrann Sitim: cúig bharra do bhórduibh éantáoibhe an tabernacuil.

32 Agus cúig bharra do bhórduibh an taoibh eile don tabernacuil, agus cúig bharra do bhórduibh an tabernacuil don táobh shiar.

33 Agus tug sé ar an mbarra meadhonach dul thríd na bórduibh ó cheann go ceann.

34 Agus do fholuigh sé na buird le hór, & do rinne sé a bhfáinnidhe dór, chum a mbeith na náitibh do no barruidhibh, agus do fholuigh na barruidhe le hór.

35 Agus do rinne sé folach do ghorm, agus do phurpuir, & do scárlaóid, & do linéadach fhinealta chasda: maille ré cherubinibh do rinne sé é, lé hobair chéardamhuil.

36 Agus do rinne dhó sin ceithre piléir do chrann Sitim, & do fholuigh sé le hór iad: do bhádar a ccrúcuidhe dór, agus do theilg sé dhoibh ceithre soicéid airgid.

37 Agus do rinne sé brat do dhorus an tabernacuil do ghorm, & do phurpuir, & do scárláoid, & do linéadach fhinealta chasda dobair shnáithide,

38 Agus a cháig piléir gun a ccrúcuidhibh, & do fholuigh sé a gcaipitre & a bhfiléid lé hór, ach do bhi a ccúig soicéid do phrás.

CAIB, XXXVII.

Atá so og leanmhuin fós ar obair an Tabernacuil do ullmhughadh.

AGus do rinne Besaleel a Náirc do chrann Sitim: dhá chubhad go leith do bhí iona fad, agus cubhad go leith iona leithead, agus cubhad go leith iona háirde,

2 Agus do fholuigh í le hór fíorghlan amuith, agus a stigh, agus do rinne dhi coróin óir timchioll fá gcuáirt.

3 Agus do theilg dhi ceithre fháinne óir, dá ceithre coirnealuibh, eadhon dhá fháinne ar áon táobh dhi, agus dhá fháinne ar an ttáobh eile.

4 Agus do rinne sé maididhe do chrann Sitim, agus do fholuigh sé le hór iad.

5 Agus do chuir na maididhe ann sna fáinnidhibh ré táobh na hairce, dia chur na háirce.

6 Agus do rinne an suidhe trócaire dór fhiorghlan, dhá chubhad go leith do bhi iona fhad, agus cubhad go leith iona leithead.

7 Agus do rinne dhá cherubin óir ar na mbúaladh, amach as énphiosa do rinne sé iad, ar dhá cheann an tsuidhe thrócaire:

8 Aon chérub ar an gcionn don táobhsa, agus cherub eile ar an gcionn don taoibh úd: amach as an tsuidhe thrócaire do rinne sé na cherubinigh ar a dhá cheann.

9 Agus do leathnuigheadar na cherubinigh amach a sciatháin go hárd, agus do fholchadar lé na sciatháinuibh cionn an tsuidhe thrócaire, guna naghaidh gach áon ar a chéile; leath an tsuighe thrócaire do bhádar aighthe na cherubinigh.

10 Agus do rinne sé an bórd do chrann Sitim; dhá chubhad dob é a fhad, agus cubhad a leithead, agus cubhad go leith a áirde.

11 Agus do fholuigh sé é lé hór fíorghlan, agus do rinne dhó coróin fhiorghlan timchioll fá gcuáirt.

12 Mar an gcéadna do rinne sé imiol do leithead baise timchioll fá gcuairt, & do rinne coróin óir dá imiol timchioll fá ccuáirt.

13 Agus do theilg sé dhó ceithre fháinne óir, agus do chuir na fáinnidhe ar na ceithre coirnéuluibh ann a cheithre chosuibh.

14 Thall ar aghaidh a nimil do bhádur na fáinnidhe, áite na maideadh chum an bhuird diomchur.

15 Agus do rinne sé na maididhe do chrann Sitim, & do fholuigh sé dór diomchur an bhuird.

16 Agus do rinne sé na soithighe do bhí ar an mbòrd, a mhiasa, a liachta, a chupáin, & a bhrat chum a fholuigh dòr fhíorghlan.

17 Agus do rinne sé an coinnleóir dór fhiorghlan; dobair bhuáilte do rinne an coinnleóir, a chos agus a bheangán, a scáluidhe & a chnaip, agus a bhláth do bhádur don ccéudna.

18 Agus sé beangáin ag dul amach a tháobhuibh, tri beangain don choinnleóir as táobh dhé, & tri bheangáin an choinnleoir as an ttáobh eile.

19 Trí scála ar na ndéanamh do
réir chumtha almóinne a nénbheangán,
cnap agus bláth ; agus trí scála déanta
amhail almóinne a mbeangán eile, cnap
agus bláth ; mar sin ar fad amach na
sé mbeangan ag dul amach as an gcoin-
leóir.
20 Agus do bhádur ceithre scala annsa
choinnleoir deanta amhail almoinne, a
chnaip agus a bhlátha.
21 Agus cnap faoi dhá bheangán don
ccéadna, agus cnap faoi dhá bheanghán
don ccéadna, do réir na sé mbeangán ag
dul amach as.
22 Do bhádur a ccnaip agus a
mbeangáin don ccéadna : do bhí sé uile
a néanobair bhuáilte dór fhíorglan.
23 Agus do rinne sé seachd lampa,
agus a smólghlantóire, agus a mhiása
smóil dór fhíorghlan.
24 Do thallann dór fhiorghlan do
rinne sé é, agus a shoighthighe uile.
25 Agus do rinne sé altóir na túise
do chrann Sitim : bá cubhad a fad, a-
gus cubhad a leithead : do bhí sí cea-
thairbheannach, agus dhá chubhad na
háirde do bhádar a beanna don ccéadna.
26 Agus do fholuigh sé í le hór fí-
orghlann, araon a huachdar, agus a
taoibh fa gcúairt, agus a beanna : mar an
gcéadna do rinne sé dhi coróin óir tim-
chioll fá gcuairt.
27 Agus do rinne dhá fháinne óir dhi
faoi na coróin, láimh ré na dá coirnéul,
ar a dhá táobh, do bheith na náitibh ag
na maididhibh lé na niomchórthuigh í.
28 Agus do rinne na maididhe do
chrann Sitim, agus do fholuigh sé le
hór iad.
29 Agus do rinne a nola ungtha a-
gus an túis ghlan do spíosra deaghbholuidh
do réir oibre an photecarigh.

CAIB. XXXVIII.

Modh air a ttugadh obair an Tabernacuil go crích.

AGus do rinne sé altóir na nofrálach
loisge do chrann Sitim : cúig
cubhaid a fad, agus cúig cubhaid a lei-
thead, do bhí sí ceathairbeannach,
agus trí cubhaid a hairde.
2 Agus do rinne sé a beanna ar a
ceithre coirnéuluibh : do bhádar a be-
anna don ccéadna, agus do fholuigh sé
lé prás í.
3 Agus do rinne soithighe na haltóra
uile, na potuighe, agus na sluáiste, agus
na baisinigh, agus na hadhail, agus na
hoighne teineadh : a soithighe uile do
rinne sé do phrás iad.
4 Agus do rinne sé do naltóir gráta
prais dobair lin, faoi na compás shíos go
nuige a lár.
5 Agus do theilg ceithre fháinne do
cheithre chorruibh an ghráta phráis, dá
mbeith na náitibh do na maididhibh.
6 Agus do rinne na maididhe do
chrann Sitim, agus do fholuidh le prás
iad.
7 Agus do chuir sé na maididhe ann
sna fáinnidhibh ar tháobhuibh na haltora
dá hiomchar : do rinne sé a naltóir
toll lé cláruibh :
8 Agus do rinne an lábhéir do
phrás, agus a chos do phrás, do sca-
thánuibh na mban noireachduis, noch do
chruinnioghadh ag dorus thabernacuil an
chomchruinnigh.
9 Agus do rinne sé an chúirt : ar
an ttáoibh ó dheas leath ó dheas bruit
na cuirte do líon fhínealta chasda, do
chéad cubhad.
10 Bá fithche a bpiléir, agus bá fith-
che a soicéid práis: crúcuidhe na bpiléur
agus a bhfiléid dairgead.
11 Agus chum an táoibh thuáigh
bruit do chéad cubhad, bá fithche a
bpiléir, agus fithche a soicéid phráis,
crúcuidhe na bpileur, agus a bhfiléid
dairgead.
12 Agus chum an táoibh shi-
ar, bruit do cháogad cubhad, a bpi-
léir a deich, agus a soicéid a deich ;
crúcuidhe na bpiléur agus a bhfiléid
dairgead.
13 Agus leithead na cúirte don
táoibh shoir, leath shoir, cáogad cu-
bhad.
14 Bruit éantáoibhe an gheata bá
cúig cubhaid déug : a bpiléir a trí, a-
gus a soicéid a trí.
15 Agus don taobh eile do gheata
na cuirte ar an laimhese, agus ar an
láimh úd, do bhádar bruit do chúig cubh-
aid deug: a bpiléir a trí agus a soicéid a
trí.
16 Bruit na cúirte uile timchioll
fa gcúairt, do budh línéadach casda
iad.
17 Agus na soiceid do na piléur-
uibh do phrás : crúcuidhe na bpiléar a-
gus a bhfiléid dairgead ; agus folach a
gcaipitreach dairgead, agus piléir na
cúirte uile ar na bhfilléideadh lé hair-
gead.
18 Agus an crochadh chum geata na
cúirte dobair shnáithide, do ghorm agus
do phurpuir agus do scarláoid, agus do
linéadach fhínealta chasda: agus ba
fithche cubhad a fhad, agus cúig cubh-
aid áirde a leithne, coimhfreagarthach do
bhrátuibh na cúirte.
19 Agus ba ceathair á bpiléir, agus
a soiceid phráis a ceathair, a ccrúcuidhe
dairgead, agus folach a gcaipitreach a-
gus a bhfiléid dairgead.
20 Ach tairngidhe an tabearnacuil
uile, agus na cuirte fa gcúairt do budh
prás iad.
21 Is é so suim an tabearnacuil,
thabeárnacuil na fiadhnuise, mar do hair-
eamhadh é, do réir aithne Maoise, chum
sherbhíse na Lebhiteach le láimh Ithamar
mhac Aáron an sagart.

22 Agus beſaleel mac Uri mhic Hur do threibh Judah, do rinne a nuile ni do aithin an tighearna do Mhaóiſe.

23 Agus do bhí maille ris Aholiab mac Ahiſamach do threibh Dan: grabhaluigh, agus oibrigh céardamhuil, agus broidinéir a ngorm agus a bpurpuir, agus a ſcárláoid agus a lineadach fhinealta.

24 An mhéid óir do caitheadh uile leis a nobair, le uile obair na háite naomhtha (eadhon) ór na hofrála, ba fithche agus naói ttalanna, agus ſeacht ccéad agus tríochad ſecel, do reir ſhecel na ſanctóra.

25 Agus méid airgead na ndaoine do háirmheadh don chomhchruinniughadh, bu céad tallann, míle & ſeacht ccéad agus trí fithchid, agus cúig ſecel déug do reír ſhecel na ſanctóra.

26 Beca ar ſon gach éanduine (is é ſin) leath ſecel do réir ſhecel na ſanctóra ar ſon gach aónduine da ndeachuidh dhá áireamh ó fhithchid bliadhan daóis, agus ós a chionn, a ſé céad míle, agus trí mhile agus cúig chéud agus caogad fear.

27 Agus don chéud tallann airgid do teilgeadh ſoicéid na ſantora agus ſoicéid an fholuigh: céad ſoicéad don chéud tallann, talann ar ſon an tſoicéid.

28 Agus don mhíle ſeachd ccéad ſeachdmhoghad agus a ccúig ſecel, do rinne ſe crúcuidhe dona piléuruíbh, agus do fholuigh a ccaipitre, agus do fhiléididh íad.

29 Agus do bhí prás na hofrala na ſheachdmhoghad tallann agus na dhá mhile, agus na ceithre chéud ſecel.

30 Agus is leis ſin do rinneadh ſoicéid do dhorus thabernacuil an chomhchruinnigh, agus a naltóir phráis, agus an gráta práis di; agus a nuile ſhoitheach no haltóra.

31 Agus ſoicéid na cúirte timchioll ſa gcúairt, agus ſoicéid gheata na cúirte, agus tairngidhe an tabearnacuil uile, agus tairngidhe na cúirte uile timchioll ſa gcuairt.

CAIB. XXXIX.

Atáid culadha naomhtha na nſagart ar na ndeunamh.

AGus don ghorm agus don phurpuir agus don ſcárláoid, do rinneadur éiduighe ſeirbhiſe, do dhéanamh ſerbhiſe an ſa náit naomhtha, agus rinneadar na culadha naomhtha do Aáron: mar do aithin an tighearna do Mhaóiſe.

2 Agus do rinne an Tephod dór, do ghorm, do phurpuir agus do ſcárláoid, agus do linéadach mhin chaſta.

3 Agus do bhuailleadar an tór na p[...] táduibh tana, agus do ghearradar [...] théaduibh é, da oibriughadh a[...] ghorm, agus annſa phurpuir, agus a[...] ſcárlaoid, agus annſa linéadach fhine[...] maille lé hobair ghéarchuiſigh.

4 Do rinneadar pioſuidhe gualann[...] dha choimhcheangal dá chéile: leis a[...] imiol do coimhcheangladh dha chéile[...]

5 Agus crios cúirialta a Ep[...] do bhí air, do bhí don chéadm[...] réir a oibre ſin; dór, do ghorm, do p[...]puir, do ſcárláoid, agus do línéadach[...]nealta chaſta, mar do aithin an tigh[...]na do Mhaóiſe.

6 Agus do oibrigheadar do[...] Onix ar na gcur a ſtigh a bhfail[...] óir, ar na ngrábháil mar ghrábh[...] ſignéid maille ré hanmannuibh chl[...] Iſrael.

7 Agus do chuir ſé ar ghuail[...] an Ephod íad, ar chor go mb[...] na gclochuibh mar chuimhne do chl[...] Iſrael, mar do aithin an tighearn[...] Mhaoiſe.

8 Agus do rinne an tuchdphláta[...]bair ghlic, coſmhail ré hobair a[...]phoid, dór, do ghorm, do phurpuir, [...] ſcárláoid, agus do lineadach fhine[...] chaſda.

9 Do bhí ſé ceathairbheannach, [...] rinneadar an tuchdphláta dúbalta, [...] do bhí na fhad, agus réiſi na leith[...] dúbalta.

10 Agus do chuireadar ann, cei[...] chúrſa do chlochuibh; cúrſa [...] Shardius, do Thópas, agus [...] Charbuncail; is é ſó an [...] chúrſa.

11 Agus an dara cúrſa, Emer[...] Saphir, agus Diamond.

12 An treas cúrſa, Ligur, Agat, [...] Ametiſt.

13 Agus an ceathramhadh [...] Beril, agus Onix, agus Jaſper: [...]bhádar curtha a ſtigh a bhfáilgibh[...] iona ndruduibh.

14 Agus do bhádur na clocha [...] réir anmanna chloinne Iſrael, [...] dhéag dó réir a nanmann, amhail [...] bháil ſhignéid, gach éanduine gun a [...] do reir an dá threibh dhéug.

15 Agus do rinneadar ar an [...] phláta, ſlabhruidhe ann a cheann[...] dobair fhithche, dór fhiorghlan.

16 Agus do rinneadur dha fhail[...] agus dha fháinne óir: agus do chui[...]dar an dá fháinne ar dhá cheann[...] uchdphláta.

17 Agus do chuireadar an dá [...]bhradh fhithche dòr, annſa dá fháin[...] cheannuibh an uchdphláta.

18 Agus dhá cheann an dá ſhlabhr[...] fhithche, do dhaingniodar annſa da fh[...] agus do chuireadar iad ar ghuaillib[...] Nephoid, roimhe.

19 Agus do rinneadar dhá fhái[...] dór, agus do chuireadar iad ar [...] cheanduigh.

an uchdphláta,ar a imeal,noch do
ar tháobh a Néphoid taobh a ſtigh.
20 Agus do rinneadar dhá fhainne
dór, agus do chuireadar iad ar
tháobh a Nephoid ſhíos leath ris
gcuid thoſuigh dhe, thall ar aghaidh
comhcheangail, ós cionn chreaſa chui-
alta a Nephoid.
21 Agus do cheangladar an tuchd-
láta le na fháinnighibh, dfáinnighibh
Nephoid, lé láſa do ghorm, cor go
ós cionn an chreaſá chuiriálta a
Nephoid, agus nach ſcáoiltí an tuchd-
pláta ó Nephod ; mar do aithin an
tighearna do Mhaoiſe.
22 Agus do rinne ſé róba a Ne-
phoid, dobair fhiitbche uile do ghorm.
23 Agus do bhí poll a lár a n róba,
mar pholl lúirighe, maille ré fonnſa fá
gcuáirt timchioll an phuill, go nach bri-
ſeadh ſé.
24 Agus do rinneadar ar chiumhu-
ibh an róba, pomgranait do ghorm
agus do phurpuir, agus do ſcarláoid, a-
gus do lineadach chaſta.
25 Agus do rinneadar cluigine dór
fhiorglan, agus do chuireadar na clui-
gine idir na pomgranatuibh, ar chiumh-
aibh an róba, timchioll fá gcuáirt idir na
pomgranatuibh.
26 Cluigín agus pomgranat, cluigin
agus pomgranat, timchioll fa gcuairt
imthuaime an róba do dhéanamh mi-
niostralachd ann ; mar do aithin an ti-
ghearna do Mhaoiſe.
27 Agus do rinneadar cótuidhe do
linéadach ſhínealta dobair fhithche do
Aaron agus dá mhacuibh.
28 Agus Miter do linéadach fhinealta,
agus bóineid mhaithe do linéadach fhine-
alta, agus bríſdidhe linéaduigh do lion
shin cháſda.
29 Agus crios do linéadach chaſda,
agus do ghorm, agus do phurpuir, agus
do ſcárláoid, dobair ſhnáithide mar do
aithin an tighearna do Mháoiſe.
30 Agus do rinneadar pláta na co-
róine náomhtha dór ghlan, agus do
ſgríobhadar ſcríbhinn air, mar ghrábhail
ſiginéid, NAOMHTHACHD DON
TIGHEARNA.
31 Agus do cheangladur dhó ſin
láſa do ghorm, dá cheangal go hárd
ar an Miter ; mar do aithin an tighearna
do Mháoiſe.
32 Mar ſo do criochnuigheadh uile
obair an tabernacuil, loiſtin an chómh-
chruinnigh : agus do rinneadar clann Iſ-
rael do réir a nuile ní do aithin an
tighearna do Mhaoiſe, is mar ſin do
rinneadar.
33 Agus tugadar an tabearna-
cuil chum Maoiſi, an lóiſtin, agus
a ní bheanas ris uile, a táitſidhe, a
bhórd, a bharruidhe a piléir, & a ſhoicéid.
34 Agus an folach do chroicnibh
reitheadh daite dearg, agus an folach
do chroicnibh broc, agus cumhdach an
chomhduigh.

35 Airc na fiadhnuiſi, agus a maj-
didhe, agus an ſuidhe trócaire.
36 An bórd agus a uile ſhoithidhe,
águs an tarán taiſbéanta.
37 An coinnleóir fiorghlan, go na
lampadhuibh, na lampuidhe dá ſuighi-
ughadh a nórd, agas a uile ſhoithighe ſin,
agus a nola chum ſoluis.
38 Agus a naltóir órdha, agus
a nola ungtha, agus an túis dheagh-
bholuigh, agus brat do dhorus an ta-
bernacuil.
39 A naltóir phráis, agus a gráta
práis, a mhaididhe, agus a uile ſhoith-
ighe, an labhéir, agus a chos.
40 Bruit na cúirte, a piléir, agus a
ſoicéid, agus brat do gheata na cúirte,
a corduidhe, agus a thairngidhe, agus
uile ſhoithighe ſerbhíſe an tabernacuil, do
lóiſtin an chomhchruinnigh.
41 Eaduighe na ſerbhiſe, do dhéanamh
ſerbhiſe annſa náit náomhtha, agus na
culadha náomhtha do Aáron an ſagart,
agus culadha a mhac do mhinioſtralachd
a noifig an tſagairt.
42 Do réir a nuile ní do aithin
an tighearna do Mhaóiſe, is mar ſin
do rinneadar clann Iſrael a nobair
uile.
43 Agus do fhéuch Maóiſe ar an
obair uile, agus féuch do rinneadar í,
mar do aithin an tighearna ; is mar
ſin do rinneadar í, agus do bheannuigh
Maóiſe iad.

CAIB. XL.

Ata an Taibernacuil fein ar na chur ſuas. 13 do naomhuigheadh Aaron & a Chlann mac chum oifig na nſagart. 34 Do líon gloir Dhé an Tabernacuil.

AGus do labhair an tighearna ré
Maoiſe gá rádh,
2 Ar an gcéad lá don chéid mhí
chuirfeas tu ſúas tabearnacuil loiſtin an
chomhchruinnigh.
3 Agus cuirfe tú annſin á ſteach Airc
na fiadhnuiſi, agus foileocha tú a Nairc
leis an gcumhdach.
4 Agus do bheura tú a ſteach an
bórd,agus ſuidheocha tú a nordughadh na
neithe atá ré ſhuidhiughadh a nórd air :
agus do bhéura tú an coinnleóir a ſteach,
águs lasfa tú a lampuidhe.
5 Agus ſuidheocha tú a naltóir dór
chum na túiſe, as coinne Airc na fi-
adhnuiſe, agus cuirfe tú brat an doruis
leis an tabernacuil.
6 Agus ſuidheocha tú áltóir
na hofrala loiſcthe as coinne dho-
ruis thabernacuil loiſtin an chomh-
chruinnigh.
7 Agus ſuidheocha tú an labhéir idir
lóiſtin an chomhchruinnigh, agus an al-
tóir, agus cuirfe tú uiſce ann.
8 Agus cuirfidh tú ſúas an cúirt tim-
chioll fa gcúairt, agus crochfa tú
ſúas

fúas na bruit ag geata na cúirte.
9 Agus glacfa tú an ola ungtha,
agus ungfa tú an tabearnacuil, agus
a bhfuil aſtigh ann, agus naomhtha tú
é, agus a ſhoithighe uile, agus biaidh ſé
naomhtha.
10 Agus ungfa tú altóir na hof-
rala loiſcthe, agus a ſoithighe uile, a-
gus naomhtha tú a naltóir, agus biaidh
na haltóir ro naomhtha.
11 Agus ungfa tú an lábhéir agus a
chos, agus náomhthocha tú é.
12 Agus do bhéara tú Aáron agus
a mhic go dorus thabearnacuil an
chomhchruinnigh, agus nighfe tú íad
le huiſce.
13 Agus cuirfe tú ar Aáron na
héaduighe naomhtha, agus ungfa tú é
agus naomhthocha tú é, chor go minioſ-
drálfuidh ſé dhamh ſa a noifig an
tſagairt.
14 Agus do bhéara tú a mhic chugad,
agus éideocha tú íad le cótuidhibh.
15 Agus ungfa tú íad, mar do ung
tú a nathair, chor go bhféadfaid minio-
ſtralachd do dhéanamh dhamſa a noifig
an tſagairt:óir biaidh a nungadh go
demhin na ſhagartachd ſhíorruidhe, ar
feadh a ngeinealách.
16 Is murſo do rinne Maóiſe: do
réir an uile ní do aithin an tighearna
dhe, is mar ſin dó rinne ſé.
17 Agus tárla annſa chéad mhí don
dara bliadhain, ar an gcéad l ó don
mhí, gur tógbhadh ſúas an tabearna-
cuil.
18 Agus do thóg Maóiſe an tabear-
nacuil ſúas, agus do dhaingnidh a
ſhoiceid, agus do chuir ſúas a bhuird,
agus do chuir a bharruidhe a ſteach, a-
gus do thog ſúas a philéir.
19 Agus do leathnuigh amach an
lóiſtín ós cionn an tabearnacuil, agus
do chuir folach an lóiſtin timchioll
air, mar do aithin an tighearna do
Mhaóiſe.
20 Agus do glac ſé agus do
chuir an fhiadhnuiſe ann ſan áirc, agus
do ſhuidhigh na maididhe ar an áirc,
agus do chuir an ſuidhe trócaire ſúas ar
an áirc.
21 Agus tug ſe an áirc chum an
tabearnacuil agus do chuir ſúas cumh-
dach an fholuigh, agus do fholuigh áirc
na fiadhnuiſi, mar do aithin an tighearna
do Mhaóiſe.
22 Agus do chuir ſé an bórd a
lóiſtin an chomhchruinnigh,ar thaoibh an
tabearnacuil leath thuaigh, taobh amuich
don chumhdach.
23 Agus do chuir ſé an tarán a
nordughadh air a bhfiadhnuiſe an
hearna, mar do aithin an tighearna
Mhaoiſe.
24 Agus do chuir ſé an coinnle
a loiſtin an chomhchruinnigh thall
coinne an bhuird ar thaobh an tabear
nacuil leath theas,
25 Agus do las na lampuidhe a bh
adhnuiſe an tighearna, mar do aithin
tighearna do Mhaóiſe.
26 Agus do chuir ſé an altóir ór
a lóiſtin an chomhcruinnigh a bhfiadh
an chumhduigh.
27 Agus do loiſc ſé túis dheaghbh
luigh uirre. mar do aithin an tigh
do Mhaóiſe.
28 Agus do chuir ſé ſúas an brat
dorus an tabernacuil.
29 Agus do chuir altoir na h
rála loiſcthe ag dorus thabearnacuil
iſtin an chomhchruinnigh, agus do
ráil ſe uirre, ofráil loiſcthe agus
fráil bidh; mar do aithin an tigh
do Mhaóiſe.
30 Agus do chuir an lábhéir
lóiſtin an chomhchruinnigh, agus
naltóir, agus do chuir uiſce ann d
ionnlaidh.
31 Agus Maoiſe, Aáron, agus
mhic do nigheadur a lámha agus a c
ſa aige.
32 A nuair do théighdis go lói
an chomhchruinnigh, agus a n
thigdis a bhfogus do naltóir, do
laidís; mar do aithin an tighearna
Mhaóiſi.
33 Agus do thóg ſé ſúas an c
timchioll fá gcuáirt an tabernacuil,
na haltóra, agus do chuir ſúas
gheata na cúirte: mar ſin do c
ochnuigh Maóiſe a nobair.
34 Annſin do fholuigh néull lóiſtin
chomhchruinnigh, agus do lion glóir
tighearna an tabernacuil.
35 Agus nior bhféidir do Mh
dul a ſteach a lóiſtin an chomhchruin
do chionn gur chomhnuigh an néull
agus gur líon glóir an tighearna an
bearnacuil.
36 Agus a nuair rugadh an n
ſúas ó mhullach an tabernacuil, do
áidh clann Iſrael ar a naghaidh an
nuile thuruſaibh.
37 Achd muna mbeurthaoi an
ſúas, ní aiſtreochaidis go nuige an lá
mbeurthaoi ſúas é.
38 Oir do bhí néull an tigh
ar an tabearnacuil ann ſa lo,
do bhi teine air ſa noidhche,
radharc thighe Iſrael uile, ar
a maiſtir uile.

AN TREAS LEABHAR DO MHAOISE,

DA NGOIRTHEAR LEBHITICUS.

CAIB. I.

Dlidhe na Hofrála loiſgthe, 3 Don chrodh, 10 Don mhionchrodh. 14 agus do na héunaibh.

AGus do ghoír an tighearna
ar Mhaoiſe, agus do labh-
air ris as tabernacuil an
chomhchruinnighthe, gá
rádh.
2 Labhair ré cloinn Iſra-
el agus abair riú, ma bheir
anduine aguibh ofráil chum an tighear-
na, do bheárthaoi bhur nofráil do narnéis,
adhon don airighe agus don tréud.
3 Má bhionn ofráil nó iodhbuirt
loiſcthe don airighe, ofráladh firionnach
gan cháidhe: ofráladh ſé é da thoil áon-
ghaidh féin, ag dorus thabernacuil an
chomhchruinnighthe a bhf iadhnuiſe an
tighearna.
4 Agus cuirfidh ſé a lámh ar chionn na
hofrála loiſcthe, agus géubhthar ar a
ſon í do dheanamh ſíodha ar a ſhón.
5 Agus muirfidh ſé an bhulóg a
bhfiadhnuiſe an tighearna, agus béa-
raid na ſagairt, clann Aáron, a nfuil
(ſó) agus croithfid a nfuil timchioll fá
cuáirt ar a naltóir, noch atá laimh ré
dorus thabernacuil an chomhchruinnigh-
the.
6 Agus muirfidh ſé a nofráil loiſcthe,
agus gearrfá na phíoſuighibh é.
7 Agus cuirfid mic Aáron an ſa-
gart, teine ar á naltóir, agus leag-
fid an connadh a nórd ar an teinidh.
8 Agus leagfuid na ſagairt, mic Aáron,
na codcha, an ceann agus an gheir a
nórd ar an gcunnadh bhías annſa teinidh,
noch bhías air a naltóir.
9 Achd na hinnighe agus na coſa
nighfidh ſé a nuiſce iad, agus loiſcfidh
an ſagart an tiomlán ar a naltóir, do
bheith na iodhbuirt loiſcthe, ofrail ar na
dheanamh lé teinidh, do bholadh cumh-
ra don tighearna.
10 Agus más do na tréaduibh bhías
a iodhbuirt, do na cáorchuibh nó do na
gabhruibh, mar ofrail loiſcthe, do bhé-
ra ſé é na fhirionnach gan toibhéim.
11 Agus muirfidh ſé é ar tháoibh
na haltóra leath thuaigh a bhfiaghnuiſe
an tighearna, agus na ſagairt clann
Aáron croithfid an fhuil timchioll fa
cuáirt ar a naltóir.
12 Agús gearrfa ſé na phíoſuighibh
é, go na cheann agus a gheir, agus leag-
fuidh an ſagart a nordughadh iad ar an
gconnadh bhias ar an tteinidh atá ar a
naltóir.
13 Achd nifigh ſé na hinnighe agus
na coſa a nuiſce, agus do bheára an
ſagart leis (ſin) uile, agus loiſcfidh ſé ar
a naltóir é: is ofráil loiſcthe é, ofráil
déanta lé teinidh, do bholadh cumhra
don tighearna.
14 Agus ma bhionn a iodhbuirt loiſc-
the ar ſon a ofrala don tighearna, déa-
nuibh; annſin do bhéura ſé a ofráil do
fhéaránuibh nó do cholumuibh óga.
15 Agus do bhéura an ſagart é
chum na haltóra, agus fáiſcfidh a
cheann de, agus loiſcfidh ar a naltoir é,
agus faiſcfidhear a fhuil amach le táoibh
na haltóra.
16 Agus tairreonguidh a ghaile as,
guna chletibh, agus teilgfidh ré táobh na
haltóra é, ar an gcuid ſhóir, ag áit na
luatha.
17 Agus ſcoiltfidh ſé é go na
ſciathánuibh, achd ní roinnfidh ó chéile
é: agus loiſcfidh an ſagart ar a nal-
tóir é, ar an cconnadh atá ar an
teinidh: is ofráil loiſcthe é, ofrail
déantha le teinidh, do bholuidh cumhra
don tighearna.

CAIB. II.

Dlighe na ſabr-ofrala bídh.

AGus a nuair ofrálus éainnéach ofráil
bidh don tighearna, biodh a iodh-
buirt do phlúr mhín, agus dóirtfidh ola
air, agus cuirfidh túis air ſin.
2 Agus do bhéara ſé go macaibh Aá-
ron é, i. na ſagairt, agus toigeobhuidh
as ſin lán a dhuirn dá phlúr, agus dá
ola, maille le a thúis uile: agus loiſg-
fidh an ſagart a chuimhne ſin ar an al-
toir, (do bheith) na ofráil déanta le te-
nidh, do bholadh mhuith don tighear-
na.
3 Agus fuighioll na hofrála bidh
budh lé Háaron agus le na mhacaibh é:
is ní ronaomhtha dofráluibh an tighearna
déanta le tenidh é.
4 Agus má bheir tú leachd ofráil
diodhbuirt bidh ar na bhácáil a mbácús,
budh caca gan laibhin do phlúr mhín é,
ar

ar na chumasc le hola, nó abhlanna gan
laibhín, ar na nungadh lé hola.
5 Agus ma bhionn hofrail na hof-
ráil bidh bhruithe a noigheann, bia do
phlúr mhin gan laibhín cumascthé le hola.
6 Roinnfidh tú na chodchuibh é, agus
dóirtse tu ola air, is ofráil bhidh é.
7 Agus má bhionn hiodhbuirt na hof-
ráil bhidh annsa oigheann friala, do
dhéantar í do phlúr mhín le hola.
8 Agus do bheára tú an iodhbhuirt
bhidh do dhéantar do na neithibhsi chum
an tighearna, agus a nuair thaisbeantar
don tsagart é, do bhéura chum na halto-
ra é.
9 Agus toigeobhuidh an sagart as a
ofrail bhidh cuimhne uirre, agus loisc-
fidh sé ar an altór é: (is) ofráil sin
déanta lé tenidh do bholadh mhaith
don tighearna.
10 Agus an ní fhúigfighear don of-
ráil bhidh budh le Haaron agus le na
chloinn é: is ní ro naomhtha é,
dofráluibh an tighearna déanta le te-
nidh.
11 Aon ofráil bhidh, noch do bheur-
thaoi chum an tighearna, ní dhéantar le
laibhín: oír ní loiscfidhe laibhín ar bith,
nó mil, a néanofráil don tighearna, déan-
ta lé teinidh.
12 Ar son ofrála na gcéadthórtha,
ofráilfidhe don tighearna iad, achd ní loi-
scfighear ar an altoir iad mar bholadh
chumhra.
13 Agus a nuile ofráil bhidh
leiseocha tú lé salann: ní mó fhuileongas
tú salann cunartha do Dhé bheith deas-
bhuidh ar hofráil bhidh: ofrálsa tú salann
lé do uile iodhbuirt.
14 Agus má ofrálann tú ofráil bhidh
do na céadthórthuibh don tighearna,
ofráilse tú mar ofráil bidh dod chéadthor-
thuibh, do dhéusuibh glasa arbha ár na
ttiormughadh leis an ttenidh, arbhar bu-
ailte as déusuibh iomlána.
15 Agus cuirse tú ola air, agus leag-
sa tú túis áir: is ofrail bhidh é.
16 Agus loiscfidh an sagart
a chuimhne sin, cuid dá ghrán buail-
te, agus cuid dá ola, gun a thúis uile;
is ofráil déanta lé tenidh é don ti-
ghéarna.

CAIB. III.

Reachd na hiodhbharta síodhána, agus buidheachkius.

AGus má bhionn a ofráil na iodh-
buirt shiothchana, mas don ai-
righe ofrálas sé, má bhionn firionn no
bainionn, ofrálfuidh sé é gan toibhéim
a lathair an tighearna.
2 Agus leagsa sé a lámh ar chionn
a ofrála, agus muirfidh sé é, ag dorus
thabernacuil an chomhchruinnighthe,
agus croithfid mic Aaron, na sag-
an fhuil ar an altóir timchioll
gcuáirt.
3 Agus ofrálfuidh sé iodhbuirt
hofrála síodha, ofrail déanta le
nidh don tighearna; an gheír fhol
na hinnighe, agus a nuile mhéat
bhías ar an mionach;
4 Agus an dá dhubhán, agus
gheir bhíos orra, noch bhíos láimh ri
hárannuibh, agús an scairt ós cionn
naé; maille ris na dubhánuibh béan
sé sin leis as.
5 Agus loiscfid clann Aaron é
an altoir, ar an iodhbuirt loi
noch bhíos ar an gconnadh bhíos ar
ttenidh: ofrail déanta le tenidh do bh
ladh chumhra don tighearna.
6 Agus má bhionn a ofráil ar
iodhbartha ofrála siothchána don tigh
na, don tréud, fhirionn nó bhainion
ofráilfidh sé é, gan cháidhe.
7 Má ofralann sé uan ar son a
rála, ann sin ofráladh é a lathair
tighearna.
8 Agus leagsa a lámh air cion
ofrála, agus muirfidh é as coinne
Tabernacuil an chomhchruinnighthe,
croithfidh clann Aaron a fhuil timch
fá gcuairt ar an altóir.
9 Agus ofralfuidh sé do iodhbuirt
hofrála síodha, ofráil déanta le te
don tighearna; a gheir, agus a
ball uile, béanfuidh sé sin amach
ris an ccnáimh droma: agus an g
fholchus na hionathuir, agus an
mhéathus bhíos ar na hinnighibh.
10 Agus an dá dhubhán, agus
gheir bhios orra, noch bhíos laimh
na hárannuibh, agus an scairt ós c
na naé, maille ris na dubhanuibh b
faidh sé sin amach as.
11 Agus loiscfidh an sagart ar
altóir é: (sé sin) biadh na hof
déanta lé tenidh don tighearna.
12 Agus má bhionn a ofráil na g
bhar, ann sin ofrálfuidh sé é a bhfiadh
an tighearna.
13 Agus leagsa a lámh ar a ch
agus muirfidh sé é, as coinne dh
thabearnacuil an chomchruinnighthe,
croithfid mic Aaron a fhuil ar an a
timchioll fa gcuairt:
14 Agus ofrálfuidh sé a
de sin, ofráil déanta le tenidh
tighearna; an gheir fholchas
hinnighe, agus a nuile mhéathus bhío
an ionathar.
15 Agus an dá dhubhán, agus
gheir bhios orra, noch bhios láimh
na hárannuibh, agus an scairt bhíos
cionn na naé, maille ris na dubhán
beansa sé sin amach as.
16 Agus loisgfidh an sagart
ar an altoir; (sé sin) biaidh na
rala déanta le tenidh mar bho
cumhra; a nuile mhéathus is le
ttighearna é, (biaidh sé) na reachd

idhe da bhur ngeinealachaibh ar feadh
bhur náitreabh, nach ióstaoi méathus nó
fuil.

CAIB. IV.

Dlighe na hofrala arson peacaidh do nithear tré ainbhfios, 3 Le Sagart, 13, lé coimhthional, 22, le uachdaran, 27, no le duine don phobal.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóise da rádh.
2 Labhair re cloinn Israel, ga rádh ;
má pheacúigheann anum tré ainbhfios a
naghuidh éanaithne án tighearna, (a
ttaobh nitheadh nár chóir do dhéanamh)
agus go ndéana sé ní a naghaidh éan-
aithne dhíobh.
3 Má pheacuighéann an sagart atá
úngtha, do réir pheacaidh an phobail,
ann sin tugadh sé ar son an pheacuigh
do pheacuigh sé, bulóg óg gan toibh-
éim chum an tighearna mar ofráil
pheacaidh.
4 Agus do bhéara sé an bhulóg chum
dorus thabernacuil an chomhchruinn-
ighthe a lathair an tighearna, agus
leagsa a lámh ós cionn na bulóige,
agus muirfidh sé an bhulóg a bhfiadh-
nuise an tighearna.
5 Agus glacsa an sagart bhías ung-
tha cuid dfuil na bulóige, agus do
bhéara les go tabernacuil an chomh-
chruinnighthe í.
6 Agus tuimeóbhuidh an sagart a
mhéur ansa bhfuil, agus croithfidh
(cuid) do nfuil seachd nuáire as coinne
an tighearna, as coinne bhruit na sanc-
tóra.
7 Agus cuirfidh an sagart cuid do
nfuil ar bheannuibh altóra na túisé dea-
bhbholuigh a lathair an tighearna, noch
atá a ttabernacuil an chomhchruinn-
ighthe, agus dóirtfidh sé fuil na bulóige
uile ag bonn altóra na hofrala loiscthe,
noch atá ag dorus thabernacuil an comh-
chruinnighthe.
8 Agus beansa sé dhe a uile gheir na
bulóige, mar ofráil pheacaidh ; an
gheir fholchus an tionathar agus a nuile
mheathus bhías ar an ionathar.
9 Agus an dá dhubhán, agus an
gheir bhíos orra, noch bhíos láimh
ris na leasuibh, agus an scairt os cionn
na nae, maille ris na dubhánuibh, béur-
fidh sé sin leis.
10 Mar rugadh as bulóig iodh-
bhartha na siothchána: agus loiscfidh an
sagart iad ar altóir na hofrála lóisc-
the.
11 Agus croicionn na bulóige agus
a nuile fheoil, maille ré na cionn,
agus le na cosuibh, agus le na mionach,
agus le na háoileach,
12 Eadhon an bhulóg uile béaruidh
leis amach táobh amach don champa
go hionad ghlan mar a ndóirtear an
luáith amach, is ann loiscfighear é, le
teine.
13 Agus má pheacuigheann uile chomh-
chruinniughadh Israel tré ainbhfios, agus
an ní do bheith fá cheilt a súilibh an
oireachduis, agus go ndearnthar ní éigin
a naghuidh aithneadh an tighearna, a
ttáobh neítheadh nár chóir do dhéa-
namh, agus go bhfuilid ciontach :
14 A nuáir bhías fios an pheacaidh
do pheacuigheadar na aghuidh, ann sin
ofrálfidh an comhchruinniughadh bulóg
óg ar son an pheacaidh, agus do bhéura
é as coinne thabernacuil an chomh-
chruinnighthe.
15 Agus leagfuid sinnsir an chomh-
chruinnighthe a lámha ar chionn na
bulóigé as coinne an tighearna, agus
muirfidhear an bhulóg as coinne an
tighearna.
16 Agus an sagárt bhías ungtha, do
bhéara cuid dfuil na bulóige, go taber-
nacuil an chomhchruinnighthe.
17 Agus tuimeobhuidh an sagart a
mhéur a gcuid dfuil na bulóige, agus
croithfidh sé seachd nuáire í, as coinne
an tighearna, as coinne an bhruit.
18 Agus cuirfidh sé cuid do nfuil ar
bheannuibh na haltóra noch atá as
coinne an tighearna, atá a tta-
bernacuil an chomhchruinnighthe, agus
dóirtfidh amách a nfuil uile ag bonn
altóra na hofrála loiscthe, noch atá ag
dorus thabernacuil an chomhchruinn-
ighthe.
19 Agus bainfidh sé a gheir
uile as, agus loiscfidh ar a nal-
tóir é.
20 Agus do dhéaná sé ris an mbu-
lóig mar do rinne ré bulóig ar son na
hofrala peacaidh, mar sin do dhéana sé
ria so ; agus do dhéana an sagart
sioth ar a shon, agus maithfighear
dhóibh é.
21 Agus bearuidh sé an bhulóg leis
táobh amach don champa agus loisc-
fidh í, mar do loisc an chéadbhu-
lóg ; is ofráil phéacuidh í ar son an
chomhchruinnighthe.
22 A nuáir pheacaidheas uachdarán,
agus go ndearna éainní a naghaidh
éanaithne an tighearna a Dhia, a ttáobh
neitheadh nár chóir a dhéanamh, agus
go mbia ciontach ;
23 Nó ma thig a neolus an phéacaidh
ionar pheacaidh sé ; annsin do bhéara sé
ofráil leis, meannán do na gabhruibh
fíorannach gan cháidhe.
24 Agus leagsa a lámh ar chionn an
ghabhair agus muirfidh é ionsa náit
a marbhuid a nofráil loiscthe as co-
inne an tighearna : is ofráil phea-
caidh í.
25 Agus glacfuidh an sagart
dfuil na hofrála peacaidh lé na mhéur,
agus cuirse sé í ar bheannuibh altóra na
hofrála loiscthe, agus doirtfidh

 amach

amach a nfuil ag bonn altóra na hofrála
loiſcthe.
26 Agus loiſcfidh ſé a mhéathus uilè ar
a naltóir amhuil mhéathus iodhbar-
tha na hofrála ſiothchána, agus do dhéa-
na an ſagart ſíoth ar a ſhon a ttáoibh a
pheacaidh, agus maithfighear dho é.
27 Agus ma pheacuigheann anum do
phobul na tíre tré ainbhfios, ar ndeanamh
eainneithe a naghaidh éanaithne an ti-
ghearna, a ttáobh neitheadh nár chóir a
dhéanamh, agus go mbia ciontach.
28 Nó má bhionn fios an pheacaidh
ionar pheacaidh ſé aige, annſin do bhéu-
ra ofráil leis, meannán do na gabhruibh
bainionna gan toibhéim ar ſon an pheac-
aidh do pheacaidh ſé.
29 Agus leagfaidh a lámh ar chéann
na hofrála peacaidh a nait na hofrala
loiſcthe.
30 Agus glacfuidh an ſagart cuid
do nfuil le na mhéur, agus cuirfidh ar
bheannuibh altóra na hofrála loiſcthe í,
agus dóirtfidh amach a nfuil uile ag
bonn na haltóra.
31 Agus bainfidh ſé amach an méathus
uile, amhuil mar beantar amach méa-
thus ó na hofrála ſíodha, agus loiſc-
fidh an ſagart ar a naltóir é, mar bho-
ladh chumhra don tighearna, agus do
dhéana an ſagart ſíoth ar a ſhon, agus
maithfighear dhó é.
32 Agus má bheir uan leis mar of-
ráil pheacaidh, do bheura ſé leis uan
bainionn gan toibhéim.
33 Agus leagfaidh ſé a lámh ar cheann
na hofrála peacaidh, agus muirfidh ſé
mar ofráil pheacaidh é, anſa náit a
marbhuid a nofráil loiſcthe.
34 Agus glacfuidh an ſagart dfuil
na hofrála peacaidh, lé na mhéur,
agus cuirfidh ar bheannuibh altóra na
hofrála loiſcthe í, agus dóirtfidh a-
mach a fhuil uile ag bonn na hal-
tóra.
35 Agus bainfidh ſé amach a mhéa-
thus uile, mar beantar méathus a nuain
amach ó iodhbuirt na hofrála ſíodha, a-
gus loiſcfidh an ſagart ar a naltóir íad
do réir na nofrálach do niothar lé
teinidh don tighearna, agus do dhéana
an ſagart cadhachas ar ſon an
pheácaidh do rinne, agus maithfighear
dhó é.

CAIB. V.

Iomdha cás a ndearntar peacadh; 6. agus an modh ar a bfuighthear glanadh uatha.

AGus má pheacuigheann anum, agus
go néiſtfé guth mionn, agus go
mbia na fhiadhnuiſi, an bhfacaidh nó
nár fhionn ſé an ní, muna ſhoillſighe
ſé é. annſin iomchóruidh a choir.
2 Nó má bheanann anum ré háoinní
ſalach, mas conablach éainní neamhghlan,
nó conablach ainmhidhe neamhgh
nó conablach neitheadh neamh
ſhnáidheas: má ceiltear leis é, biai
neamhghlan & ciontach mar an gce
3 Nó má bhéanann ſé le ſalchar
ne, gidh bé ar bith neamhghloi
ſaileochthar duine, agus go gceil
a nuáir bhias a fhios aige,
biáidh ſé ciontach.
4 Nó má bheir anum mionna, ga
ré na bhéul go ndéana ſé olc, nó
ndéana maith, gidh bé ar bith é
aigeorus duine le mionnuibh, agus
raibh a fhios aige, agus go gc
é a nuáir bhias a fhios aige,
ſin biáidh ſé ciontach a ní éigin
bhſo.
5 Agus is amhluidh bhías a
bhias ſé ciontach a néinní dhío
go naideomhuidh ſé bhfúil ſé c
annſa ní ſin.
6 Agus do bhéura ſé ofráil choir
an tighearna ar ſon an pheacaidh
rinne ſé, bainionnach ón tréud, i.
nó meannán ó na gabhruibh, mar
pheacaidh, agus do dhéana an
ſíth ar a ſhon a ttaobh an pheac
7 Agus muna ttí dhé úan do
airt leis: annſin do bhéura ſé dhá
lum turtuire les ar ſon an phea
do rinne ſé, nó dhá cholum óga
an tighearna: áon mar ofráil phea
agus an dara [héan] mar ofráil l
the,
8 Agus do bhéura chum an tſ
iad, noch ofráilfeas ſin bhías a
na hofrála peácaidh an chéadui
fáiſgfidh a cheann da bhrághaid,
ní roinnfeadh ó chéile é.
9 Agus dóirtfidh dfuil na h
peacaidh ar tháobh na haltóra,
fáiſgfighear án chuid eile don f
mach ag bónn na haltóra: Is
peacuidh ſin.
10 Agus ofráilfidh an dara
mar ofráil loiſcthe do réir an gh
gus do dhéana an ſagart ſíoth
a ſhon, ar ſon an pheacaidh do ri
agus maithfighear dhó é.
11 Achd muna ttí dhe dhá é
tuire nó dhá cholum óga do th
leis, annſin do bhéura an té do phe
leis ar ſon a ofrála, an deachmhad
do Ephah do phlúr mhín mar ofráil
uidh: ni chuirfidh ola air, ní mó ch
ſe túis air: óir is ofráil pheacaidh
12 Annſin do bhénra ſé ch
tſagairt é, agus glacfuidh án
lán a dhuirnn de, eadhon na ch
ſin, agus loiſcfidh ar a naltóir
réir na nofrálach do níthear le
nidh don tighearna; is ofráil
caidh ſin.
13 Agus do dhéana an ſagart
cháin dó ar ſon a pheacaidh do r
nion díobhſo, agus maithfighear d
agus biáidh an fuigheall ag an
mar ofráil bhídh.

14 Agus do labhair an tighearna ré
Maoíse dha rádh.
15 Má ni anum coír, agus go bpeacó-
chaidh sé tré ainbhfios a neithíbh náo-
mhtha an tighearna, annsin do bhéura
sé chum an tighearna ar son a shá-
ruighthe, reithe gan cháidhe as na tréu-
daibh réir do mheassa lé seceluibh air-
gid do réir shecel na sanctóra, mar of-
fráil sháruighthe.
16 Agus do dhéana sé leasughadh
annsa dochar do rinne annsa ní naomh-
tha, agus cuirfidh an cúigeadh cuid na
chionn, agus do bhéura don tsagart é, agus
do dhéana an sagart siothcháin dó, le
reithe na hofrála saruighthe, agus maith-
fighear dhó é.
17 Agus má pheacuigheann anum, a-
gus go ndéana éinni do na neithibhsi do
toirmiosgadh uime do dhéanamh lé haith-
eantuibh an tighearna; matá nach raibh
a fhios aige, thairis sin atá ciontach,
agus iomchóruidh sé a choir.
18 Agus do bhéura sé reithe gan
cháidhe as a tréud réir do mheassa mar
ofráil sháruighthe don tsagart, agus
do dhéana an sagart sith dho, ar son
a ainbhfios iona ndéarna sé seachrán,
agus nach raibh a fhios aige, agus mai-
thfighear dhó é.
19 *Is* ofráil sháruighthe é: do chion-
tuigh sé go deimhin a naghuidh an ti-
ghearna.

CAIB. VI.

Dlighe ofrala an fhir do sháruigheas an reachda le fios. 8 Agus ath-aithris ar ghnáth na niodhbharta.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóise, dha rádh.
2 Má pheacuigheann anum, agus go
ndéana sarughadh a naghaidh an tigh-
earna, agus go ndéana bréag ré na
chomharsuin ann san ní tugadh dhó a
ttaisgidh, nó a gcumann, nó rugadh
uadh ar éigin, nó do mheall sé a chomh-
arsa;
3 Nó go bhfuair sé an ní do
thuitidh a mugha, agus go ndéarna
bréag dá tháobh, agus a mhionna do
thabhairt a néitheach; a néinni dhí-
obh so do ní duine, iona bpeacuigh-
eann sé:
4 Ann sin budh amhla bhías, do chi-
onn gur pheacuidh sé agus go bhfuil ci-
ontach, go naiseógtha sé an ni rug ar
éigin leis, nó an ní fúair sé gó ceal-
gach, no an ní tugadh dho a ttaiscidh
nó an ni do chuáidh a mugha noch
fuair sé,
5 Nó a nuile ní timchioll a ttug a
bhrochmhionna: aiseóguidh sé go hi-
omlán iona phrinnsipail, agus cuirfidh an
cuigeadh cuid do bhárr na chionn, agus
do bhéura don tí dár chóir é, a ló ofrála
ar son a chionta.
6 Agus do bhéura a ofráil sháruigh-
the chum an tighearna, reithe gan chai-
dhe as a tréud, réir do mheasa, már
ofráil sháruighthe don tsagart.
7 Agus do dhéana an sagart sith a
lathair an tighearna (dhó) agus maith-
fighear dhó arson éinneithe dá ndéar-
na sé, ag sarughadh ann.
8 Agus da labhair an tighearna ré
Maóise ga rádh.
9 Aithin do Aáron agus dá mha-
caibh, da rádh, is é so dligheadh na hof-
rála loiscthe: (is ofráil loiscthe í, ar
son a loiscthe ar a naltóir ar feadh na
hoidhche go maidin, agus biáidh teine
na haltóra ag loscadh innte.)
10 Agus cuirfidh an sagart a chu-
laidh lín uime, agus cuirfidh a bhríste
lín fá nfeóil, agus toigeobhuidh súas an
luáith do loisc an teine maille ris a
nofráil loiscthe ar a naltóir, agus
cuirfighear láimh ris a naltóir iad.
11 Agus cuirfidh a éadach dhe, a-
gus cuirfidh éadach eile uime, a-
gus iomchóruidh amach an luáith
táobh a muich don champa go hionad
ghlan.
12 Agus biáidh an teine ar a nal-
tóir ag loscadh innte, ní múchfuighear í;
agus loiscfidh an sagart connadh uirre
gach áon mhaidin, agus leagsa a nofráil
loiscthe a nórd uirre, agus loiscfidh uirre
méathas na nofrálach siothchána,
13 Biáidh an teine ar lasadh choi-
dhche ar a naltóir; ní cuirfighear a-
mach go bráth í.
14 Agus a sé so dligheadh na ho-
frála bidh: ofráilfid mic Aáron í
a lathair an tighearna, as coinne na
haltóra.
15 Agus glacfuidh lán a dhuirn do
phlúr no hofrála bidh, agus dá hola,
agus an túis uile bhías ar a nofráil bhídh,
agus loiscfidh ar a naltóir mar bho-
ladh chumhra (eadhon) na chuimhne
sin don tighearna.
16 Agus iolsuidh Aáron agus a mhic
an fuigheall: le harán gan laibhín
íosthar é annsa náit náomhtha, a gcúirt
thabernacuil an chomhchruinnigh íosaidh
siad é.
17 Ní bruithfighear maille re lai-
bhín é, thug mé dhóibhsion é ar son a
gcoda do mofráluibh déanta le tei-
nidh: atá sé ro náomhtha mar tá
a nofráil pheacaidh, agus a nofráil shár-
uighthe.
18 A bhfuil dfirionnchaibh a measc
chloinne Aáron íosaid de: biáidh na
reachd go bráth ionbhur ngeinealachaibh
a ttáobh ofrálach an tighearna do ní-
thear lé teinidh; gach áon dá mbeansa
riú biáidh náomhtha.
19 Agus do labhair an tighearna ré
Maóise, dhá rádh.
20 Is í so ofráil Aáron agus a mhac,
noch ofrálfuid siad don tighearna
annsa ló a nungfuighear é, an deachmh-
adh

mhadh cuid do Ephah do phlúr mhín
mar ofráil bhídh go ſíorruidhe, (*l.*) a
leath ar maidin, agus a leath ionſa
noidhche.
21 A noigheann dó dhéantar é, maille
ré hola, agus a nuáir bhias bruithe do
bhéura tú a ſtéach é, agus na pioſuidhe
bruithe do nofráil bhídh, ofráilfidh tú
mar bholadh cumhra don tighearna.
22 Agus an ſagart dá mhacaibh
atá ungtha na áit, ofráilfidh ſé é: búdh
ſtatúid choidhche don tighearna í,
loiſcfighear go hiomlán í.
23 Oir loiſgfighear gach uile ofráil
bhídh ar ſon an tſagairt go hiomlán: ní
hioſtar é.
24 Agus do labháir an tighearna ré
Maoiſe dhá rádh,
25 Labhair ré Haarón agus le na
mhacaibh, gá rádh, is é ſo dligheadh na
hofrála peacaidh: annſa náit a marbh-
thar a nofráil loiſcthe, is ann muirfígh-
ear a nofráil pheacaidh a bhfíadhnniſe an
tighearna: atá ſé ro náomhtha.
26 An ſagart ofrálas é ar ſón pea-
caidh, ioſuidh ſé féin é, anſa náit na-
omhtha ioſtar é, a ccúirt thabernacuil
an chomhchruinnighthe.
27 Goidh bé ar bith ní bheanas re
nfeóil ſin, biaidh ſé ro naómhtha: agus
a nuair croithfighear dhá fhuil ar éa-
dach ar bith; nighſe tú a náit dár
bhean an crothadh annſa náit náomh-
tha.
28 Achd an ſoitheach críadh ionar
bruitheadh é, briſſighear é: agus mas
a bpota phrais do bruitheadh é, ſci-
úrſuighear é, agus meaſcſuighear an
pota a nuiſce.
29 Na húile fhirionnach a meaſc na
ſagart ioſuidh dhe; atá ſé ro náomh-
tha.
30 Ní hióſtar ofráil pheacaidh ar
bith a mbéarthar éanchuid dá fhuil
go tabernacuil an chomhchruinnighthe do
dhéanamh ſiothchána (leis) anſna náit ná-
omhtha; loiſcfighear annſa teinidh í.

CAIB, VII

Na ghnée jodhbharta ſiothchána & reidhteadh. 12. Mar bhreith bhuidheachuis. 16. mar mhóid, agus mar ofrail thoileamhla.

MAr an gcéadna is é ſo dligheadh
na hofrála ſáruighthe, atá ſé
ro náomhtha.
2 Annſa náit a marbhuid ſi-
ad a nofráil loiſcthe, is ann mhuir-
fid a nofráil ſháruighthe, agus croi-
thfidh ſé a fhuil timchioll ar a nal-
tóir.
3 Agus ofráilfidh ſé dhe méathas
uile a niorbuil, agus an méathas fhol-
chus na hinnídhe.
4 Agus an dá dhúbhán agus an
méathas bhíós orra, noch atá ſa n[...]
rann; agus an ſcairt atá os cionn na n[...]
maille ris na dubhánuibh, bainfidh [...]
ſin a mach as.
5 Agus loiſcfidh an ſagart é ar [...]
naltóir mar ofráil déanta lé te[...]
nidh don tighearna: Is ofráil ſháruigh[...]
the ſin.
6 Jóſuidh gach aón fhirionnach [...]
meaſc na ſagart de ſin; an ſa náit
náomhtha ioſtar é: atá ro náomhtha.
7 Mar atá a nofráil phéacaidh, [...]
amhluidh atá a nofráil ſháruighthe: [...]
éaindligheadh atá orra: an ſagart [...]
dhéanas ſíth les, is aige bhias ſé.
8 Agus an ſagart iodhbras ofr[...]
loiſcthe dhuine air bith; is ag an tſaga[...]
féin bhios croicionn na hofrála loiſc[...]
do ní iodhbuirt.
9 Agus gach uile ofráil bhídh [...]
mbácáltar annſa bhácus, agus gach [...]
dheaſuighthear annſa bhfrithóighe[...]
agus annſa noighean, biaidh ag an tſa-
gart ofrálus é.
10 Agus gach uile ofráil bhídh [...]
maiſcthe le hola, agus tirim, biaidh [...]
cloinn Aaron uile, oiread re chéile [...]
gach nduine dhíobh.
11 Agus as é ſin dligheadh iodhba[...]
tha na hofrála ſiothchána, noch ofrá[...]
ſeas ſé don tighearna.
12 Má ofrálann ſé é mar bhreit[...]
bhuidheachuis, ann ſin ofráilfidh ſé m[...]
re iodhbuirt bheirthe bhuidheachuis, ba[...]
gheana gan laibhin cumaiſcthe le hol[...]
agus abhlanna gan láibhin ungtha le ſu[...]
agus cacaidhe cumaſcthe le hola do ph[...]
mhín, frialta.
13 Táobh a muich dona cácuibh, [...]
ráilfidh mar ofrail aran laibhin; m[...]
ré iodhbuirt bheirthe bhuidheachuis [...]
ofráil ſhiodha.
14 Agus de ſin ofráilfidh ſé a[...]
as a nofráil iomlán mar ofráil thógth[...]
don tighearna, agus budh leis an tſa-
gart do chroith fuil na hofrála ſio[...]
chána, ſin.
15 Agus féoil iodhbartha ofrála ſiodh[...]
ar ſon buidheachuis, ióſtar an ló [...]
féin iódhbarthar í, ní fhúigfidh ſé éa[...]
dhe chum na maidne.
16 Achd má bhíonn iódhbuirt a [...]
rála, na moid, nó na hofráil toileamh[...]
ióſtar an lá ſin féin í ofrálas a íodhb[...]
agus ar na mhárach mar an gcéad[...]
ióſtar an fuigheall.
17 Achd fuigheall fheóla na hiodhba[...]
tha, an treas lá loiſcfighear le teinidh [...]
18 Agus ma hichtior cainní d[...]
iodhbhartha a ofrála ſiodha ar éan[...]
an treas lá, ní geabhthar í, ní mó me[...]
do nofráil í: biaidh ſí na hadh[...]
mhuireachd, agus an tanam ioſa[...]
iomchóruidh ſé a choir.
19 Agus a nfeóil bheanas ré hío[...]
ſalach, ní hioſtar í, loiſcfighear le [...]
nidh í: agus ar ſon na feóla, an m[...]
bhias glan, ioſuid di.

20 A[...]

20 Achd an tanam itheas dfeóil íodh-
bartha na hofrála ſiothchána, noch is-
leis an ttighearna, gá bhfuil á neamh-
ghlóine air: gearrſúighear an tanam
ſin thríd amach as a mhuinntir.
21 Oír a chionn ſo gidh bé anum bhea-
nas ré ní ſalach, mar atá ſálchar duine
no beathaidh neamhghloin, nó re héa-
inní adhuathmhar neamhghlan, agus ío-
ſas cuid dfeóil íodhbartha na hofrála ſí-
odha, noch bheanas ris an tighearna,
gearrſúighear an tanamſin thríd amach ó
na dhaoinibh.
22 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, dhá rádh.
23 Labhair re cloinn Iſrael dá rádh,
ní ioſtáoi éainghné mhéathas doimh, nó
caorach, no gabhair.
24 Ach geir an bheathaidh do gheibh
bás uidha féin, agus méathas a nain-
mhidhe réubuid beathaidh, is eidir
ſin do chur a núſáid ar bith eile, gidh-
eadh ní ioſtáoi éinní dhe ar éanchor.
25 Oír gidh bhé ar bith íoſas do gheir
an bheathaidh íodhbruid dáoine mar
ofráil déanta le teinidh don tighearna,
fós an tanam íoſas de ſin gearrſui-
ghear amach ó na mhuinntir é.
26 Tuilleamh eile, ní íoſtáoi gné fho-
la ar bith, mas déun no dainmhighe,
a náon dá bhur náitreabhadh.
27 Gidh bé ar bith anum íoſas éain-
ghné fola; gearrſuighear cheana an
tanamſin ó na mhuinntir.
28 Agus do labhair an tighearna ré
Máoiſe, dhá rádh.
29 Labhair ré cloinn Iſrael, dá rádh:
an té ofrálus íodhbuirt ofrála ſíodha
don tighearna, do bhéura ſé ófráil
chum an tighearna, do íodbhuirt of-
rála ſhiodha.
30 A lámha féin bhéurus leis ofrail
an tighearna déanta lé teinidh, an gheir
maille ris an gcliathán do bheura ſé leis,
cor go gcroithfidis an cliathán ar ſon
ofrála luáimhnighthé as coinne an ti-
ghearna.
31 Agus loiſcfidh an ſagart an
gheir ar a naltóir, achd budh lé Ha-
áron agus le na mhacaibh an
tuchd.
32 Agus do bheartháoi an ſlinneán
deas don tſagart mar ofráil thóg-
tha don íodhbuirt do nofráil ſhíoth-
chána.
33 An té do mhacaíbh Aáron ofrá-
lus fuil na hofrala ſiothchána, agus an
méathus, is é do gheabha an ſlinneán
deas ar ſon a choda.
34 Oír do bhean miſi an tuchd lu-
áimneach agus an ſlinneán tógtha do
chloinn Iſrael do íodhbuirt a nofrála
ſiothchána, agus thug mé do Aáron an
ſagart iad, agus dá mhacaibh mar ſta-
túid go bráth, ó mheaſc chloinne Iſ-
rael.
35 Is é ſo comhroinn ungtha Aáron,
agus ungtha a. mhac, as ofráluibh an
tighearna déanta le teinidh, annſa ló ar
chuir ſe a ſteach iad, do mhinioſtra-
lachd don tighearna a noifig an tſa-
gairt.
36 Noch do aithin an tighearna do
thabhairt dóibh ó chloinn Iſrael annſa
ló ar ungadh iad, lé ſtatúid go bráth ar
fad a ngeinéalach.
37 Is é ſo dligheadh na hofrála lo-
iſcthe, na hofrála bidh, na hofrála
peacaidh, agus na hofrála ſáruighthe,
agus na gcoiſreagadh, agus íodhbartha
na nofrálach ſiodha:
38 Noch do aithin an tighearna do
Mhaóiſé an ſliabh Sinai, annſa ló ar
aithin ſé do chloinn Iſrael an íodhbuirt
dofráil don tighearná a bhfáſach Si-
nai.

CAIB. VIII.

Do cuireadh na pearſa Eagluiſe 14 & na neitheann oile ar leith, fa choinne ſherbhis áirighthe an tighearna.

AGus a dubhairt an tighearna ré
Maoiſe, dhá rádh.
2 Beir leachd Aáron agus a mhic
maille ris, agus a néaduighe agus an
ola ungtha, agus bulég chum na hof-
rála peacaidh, agus dá reithe, agus
cliabh darán gan laibhin.
3 Agus cruinnigh an coímhthionól
uile go dorus thabernacuil an chomh-
chruinnigh.
4 Agus do rinne Maóiſe mar do
aithin an tighearna dhe, agus do chru-
innnigh an toireachdus a gcionn a
chéile, chum doruis thabernacuil an
chomhchruinnigh.
5 Agus a dubhairt Maóiſe ris an
gcoimhthionól, is é ſo an ni do aithin
an tighearna do dhéanamh.
6 Agus tug Maóiſe Aáron agus
a mhic leis, agus do nigh le huiſce
iad.
7 Agus do chuir an cóta uime, a-
gus do chuir crios thairis, agus do
chuir an roba uime, agus do chuir an
Téphod air, agus do chuir crios cúiri-
alta a Nephod thairis ſin, agus do chean-
guil leis ſin, uime é.
8 Agus bo chuir ſé an tuchdeadach
air, agus do chuir annſá nuchdéadach
an Urim agus an Tumim.
9 Agus do chuir an Miter ar a
cheann: ar an Miter mar an gcéadna,
éadhon ar éadan an Mhiter do chuir
ſé an pláta óir, an chóróin náomh-
tha, mar do aithin an tighearna do
Mhaóiſe.
10 Agus do ghlac Maóiſe an olá
ungtha, agus do ungaidh an tabear-
nacuil, agus a raibh ann uile, agus do
náomhadh iad.
11 Agus do chroith ſé dhi ar a
naltóir

naltóir ſeachd nuáire, agus do unguidh
a naltóir, agus a ſoighithe uile, a-
ráon an lábheir agus a chos, da náo-
mhadh.
12 Agus do dhóirt as an ola ung-
tha, ar cheann Aáron, agus do ungaidh
é, da náomhadh.
13 Agus tug Maóiſe mic Aáron leis,
agus do chuir cótuidh orra, agus do chri-
oſluidh íad lé creaſannuibh, agus do
cheangail buinéid orra, mar do aithin
an tighearna do Mhaóiſe.
14 Agus tug leis an bhulóg ar ſon
ofrála peacaidh, agus do leag Aáron agus
a mhic a lámha ar chionn na bul-
óige, chum ofrála an pheacaidh.
15 Agus do mharbh ſé é, agus do
ghlac Maóiſe a nfuil, agus do chuir ar
bheannuibh na haltóra fá gcuáirt lé ná
mhéur í, agus do ghlan a naltóir, a-
gus do dhóirt a nfuil ag bonn na hal-
tóra agus do dhóirt a nfuil ag bonn na
haltóra, agus do náomhadh í, do dhéa-
namh aithſhíothchána uirre.
16 Agus do ghlac a raibh do gheir
ann a nionathar, agus an ſcairt ós ci-
onn na náe, agus an dá dhubhán agus
a méathas, agus do loiſc Maóiſe ar a
naltóir íad.
17 Achd do loiſc an bhulóg, agus a
ſeithigh agus a feoil, agus a hothrach
táobh a muich don champa, mar do
aithin an tighearna do Mhaóiſe.
18 Agus tug an reithe leis chum na
hofrála loiſcthe, agus do chuir Aá-
ron agus a mhic a lámha ar cheann
an reithe.
19 Agus do mharbh ſé é, agus do
chroith Maóiſe a nfhuil ar a naltóir fá
gcuáirt.
20 Agus do ghearr ſé an reithe
na phíoſuighibh, agus do loiſc Maóiſe
an ceann, agus na píoſuidh, agus an gheir.
21 Agus do nigh an mionach agus
na coſa a nuiſce; agus do loiſc Ma-
óiſe an reithe uile ar a naltóir: do
bhí na íodhbhuirt loiſcthe, na bhaladh
chúmhra, agus na hofráil déanta lé tei-
nidh don tighearna, mar do aithin an
tighearna do Mhaóiſe.
22 Agus tug an reithe eile leis,
reithe an choiſrichthe: agus do leag
Aáron agus a mhic a lámha ar cheann
an reithe.
23 Agus do mharbh ſé é, agus do
ghlac Maóiſe da fhuil, agus do chuir
ar bhárr cluáiſe deiſe Aáron, agus ar
ordóig a láimhe deiſe, agus ar ordóig
a choiſe deiſe.
24 Tug fós mic Aáron leis, agus do
chuir Maóiſe cuid do nfuil ar bhárr a
ccluás deas, agus ar ordóguibh a lámh
ndeas, agus ar ordóguibh a ccos ndeas, agus
do chroith Maóiſe a nfuil ar a naltóir fá
gcuáirt.
25 Agus do ghlac an gheir, agus
an tiorbull, agus an gheir do bhí ar an
mionach uile, agus an ſgairt ós cionn na
náe, agus an dá dhubhán, agus an gheir
agus an ſlinnéun deas.
26 Agus do bhean áon bháirghean
ran gan laibhín as a gcliabh do
as coinne an tighearna, agus cáca
rán ſmeartha le hola, agus éan
lann amháin, agus do chuir ar úach
ar na geire agus a tſlineáin deis
27 Agus do chuir ſin uile ar lámhuibh
Aáron, agus ar lámhuibh a mhac,
do luáimnigh iad mar ófráil luáimnigh
the as cóinne an tighearna.
28 Agus do ghlac Maóiſe as a lámh-
uibh íad, agus do loiſc ar a naltóir
ar a nofráil loiſcthe: do bhádar
gcoiſricthibh do bhaladh chumhra; is
ráil ſin déanta lé teinidh don tighearna.
29 Agus do ghlac Maóiſe an t
agus do mháilligh é, mar ofráil lu
nighthe a lathair an tighearna: óir
bí ſin cuid Mhaóiſe do reithe án ch
reactha, mar do aithin an tighearna
do Mhaóiſe.
30 Agus do ghlac Maóiſe cuid
ola ungtha, agus do nfuil do bhí
a naltóir, agus do chroith é ar Aáron
agus ar éadach, agus ar a mhacaibh
gus ar éaduighibh a mhac maille
agus do náomhuigh ſé Aáron agus
chuladh agus a mhic agus a cculadh
mar áon ris.
31 Agus a dubhairt Maóiſe
Haáron, agus ré na mhacaibh, bruith-
ghe a nfeóil ag dorus thabernacuil
chomhchruinnigh: agus ithighe
ſin í, maille ris a narán atá a
na gcoiſreacthadh, mar do aithin
dá rádh, ítheadh Aáron agus
mhic é.
32 Agus an fuigheall bhías ag
nfeóil, agus ag a narán, loiſcſidhe
teinidh é.
33 Agus ní rachtáoi amach tar dh-
thabearnacuil an chomhchruinnigh
ſeachd lá, nó gó rabhuid laéthe
gcoiſricthe ooimhlíonta: óir ſeachd
bhiás ſé dá bhur gcoiſreagadh.
34 Mar do rinne ſé a niugh, is
ſin do aithin an tighearna a dhéanamh
do dhéánamh ſiodha dháoibh.
35 Uime ſin anfuidhe ag dorus th-
bearnacuil an chomhchruinnigh do
agus doidhche, ſeachd lá, agus coimhé-
fuidhe cúram an tighearná, nach bhfagh-
tháoi bás: óir is mar ſin do haith-
gheadh dhióm.
36 Mar ſin do rinne Aáron agus
mhic gach uile ní, dar aithin an ti-
ghearna tré láimh Mhaóiſe.

CAIB. IX.

Tús na minioſtralachd choitchinne, uma
bhuidh. 24 Nocb do thaitin ré Dia.

A Gus táinic a gcrích ar a nochdmhadh
lá, gur ghoir Maóiſe Aáron

agus a mhic agus ſinnſir Iſrael.
2 Agus a dubhairt ré Haáron, glac
laogh og mar ofráil pheacaidh, agus
reithe mar ofráil loiſcthe, gan cháidhe,
agus ofráil iád a bhſiadhnuiſi an tighear-
na.
3 Agus laibheoruidh tú ré cloinn Iſ-
rael, gá rádh, glacaidhſi meannán do
na gibhruibh ar ſon ofrála pheacaidh:
agus láogh, agus úán, aráon don chéd-
bhliadhain, gan chaidhe, mar ofráil lo-
iſcthe.
4 Bulóg agus reithe, mar an gcéadna
mar ofráil ſhiodha, díodhbuirt a bhſia-
dhnuiſi an tighearna; agus ofráil bhídh
cumaiſcthe le hola: óir foillſeochaidh
an tighearna é féin a niugh dháoibh.
5 Agus tugadar leó an ní do aithin
Maóiſi, a lathair thabearnacuil an chomh-
chruinnigh, agus tangadar an coimh-
thionól uile a gcomhghar, agus do ſhea-
ſadar as coinne an tighearna.
6 Agus a dubhairt Maóiſe, as é ſo
an ní do aithin an tighearna dhíbh do
dhéanamh: agus foillſeochthar glóir an
tighearna dháoibh.
7 Agus a dubhairt Maóiſe ré Háaron,
imthigh chum na haltóra, agus íodhbuir
hofráil pheacaidh, agus hofráil loiſcthe,
agus déana ſíoth dhuit féin, agus don
pobal: agus íodhbuir ofráil an phobuil,
agus déana ſioth dhóibh; mar do aithin
an tighearna.
8 Ar a nadhbharſin do chuáidh Aáron
chum na haltóra, agus do mharbh laogh
na hofrála peacaidh, noch do bhí ar a
ſhon féin.
9 Agus tugadar mic Aáron a nfuil
chuige: agus do thum a mhéur annſa
nfuil, agus do chuir ar bheannuibh na
haltóra í, agus do dhóirt a nfuil amach
ag bonn na haltóra.
10 Achd do loiſc ſé an gheir, agus na
dubháin, agus an ſcairt ós cionn na nae,
do nofráil pheacaidh, ar a naltóir:
mar do aithin an tighearna do Mha-
óiſe.
11 Agus do loiſc a nféoil agus an
tſeithe le teinidh, táobh a muich don
champa.
12 Agus do mharbh ſé a nofráil loiſcthe
agus tugadar mic Aáron a nfuil chuige,
noch do chroith ſé timchioll fá gcuáirt
ar a naltóir.
13 Agus tugadar a nofráil loiſcthe
chuige, maille re na ſpólluidhibh, agus
an ceann: agus do loiſc ar a naltóir
(íad.)
14 Agus do nigh an mionach, agus
na coſa, águs do loiſc íad ar a nofrail
loiſcthe ar a naltóir.
15 Agus tug ofráil an phobuil leis,
agus do ghlac an gabhar do bhí mar
ofráil pheacaidh an ſon an phobail, agus
do mharbh é, agus do íodhbuir ar ſon
pheacaidh mar an gcéadna é,
16 Agus tug leis a nofráil loiſcthe,
agus do ofráil í do réir ghnátha.
17 Agus tug a nofráil bhídh, agus do
ghlac lán duirn di, agus do loiſc í ar a
naltóir, táobh a muigh diodhbuirt
loiſcthe na maidne.
18 Do mharbh mar an gcéadna an
bhulóg, agus an reithe, mar íodhbuirt
ofrála ſiodha, noch do bhí ar ſon an
phobail: agus tugadar mic Aáron a
nfuil chuige, (noch do chroith ſe ar a
naltóir fá gcuáirt.)
19 Agus méathas na bulóige agus an
reithe, an tiorbull, agus an ní fholchas
an mionach, agus na dubháin, agus an
ſcairt ós cionn na náe.
20 Agús do chuireadar an méathas
ar na cliathánuibh, agus do loiſc an
méathas ar a naltóir.
21 Agus do mháilligh Aáron na clia-
tháin, agus an ſlinnéun deas, mar ofráil
chroithte a bhſiadhnuiſi an tighearna;
mar do aithin Maóiſi.
22 Agus do thóg Aáron ſúas a
lámh leath ris an bpobal, agus do
bheannuidh ſé íad: agus táinic a núas
ó íodhbhuirt na hofrála peacaidh, agus
na hofrála loiſcthe, agus na hofrála
ſiodha.
23 Agas do chuáidh Maóiſi agus
Aáron go tabearnacuil an chomhchruin-
nighthe, agus tangadar amach agus do
bheannuigheadur an pobal: agus do foill-
ſiughadh glóir an tighearna don phobal
uile.
24 Agus táinic teine amach ó fhíadh-
nuiſi an tighearna, agus do dhíobháidh
ar a naltoir a nofráil loiſcthe, agus an
gheir: noch a nuáir do chonairc an
pobal, do gháireadar, agus do thuitea-
dar ar a naghaidh.

CAIB. X.

Do tharruing Teine coimhíghtheach laſta a nſanctóra Dé, teine eile da ſmachdughadh.

AGus do ghlac Nadab agus Abihú, mic
Aáron, ſionnſa gach nduine aca,
agus do chuir téine ann, agus do chuir
túis uirre, agus do ofráladar teine choi-
mhighrheach a lathair antighearna, nach
ar aithin ſé dhiobh.
2 Agus do chuáidh teine a mach ón
tighearna, agus do dhiobháidh ſi iad, agus
fúaradair bás a bhſiaghnuiſi an tighearna.
3 Ann ſin a dubhairt Maóiſe re Há-
aron, is é ſo an ní do labhair an tighear-
na, gá rádh, biáidh mé náomhtha annſa
droing thig a ngar dhamh, agus as
coinne an phobail uile biáidh glóir
dhamh, agus do thochd Aáron.
4 Agus do ghoir Maóiſe Miſael, agus
Elſaphan, mic Uiſiel, dearbhrathair
athar Aáron, agus dubhairt riú, tigidh
a leith, beiridh libh bhur ndearbhrai-
thre ó fhíadhnuiſi na ſanctóra, amach as
an gcampa.
5 Mar ſin tangadar a ngar dhóibh

agus rugadar léo iad ann a ccótadhuibh a mach as an gcampa; mar a dubhairt Maoíse.

6 Agus a dubhairt Maóise re Aáron, agus re Heleáſar agus re Hitamar a mhaca, ná nochtuigh bhur gcinn, narab mó bhriſfidhe bhur néadach; deagla go murſidhe ſibh, agus deagla feirge do theachd ar an pobal uile: achd caoindís bhur ndearbhraithre, tigh Iſrael uile, an loſcadh noch do las an tighearna.

7 Agus ní reachtaoi a mach ó dhorus thabernacuil an chomhchruinnighthe, deagla go bhfuigheadh ſibh bás: óir atá olá ungtha an tighearna oruibh, agus do rinneadár do réir fhocail Mhaóiſe.

8 Agus do labhair an tighearna re Haáron, dhá rádh.

9 Ná hibhidh fion, nó deoch láidir, nó do mhic maille leachd, a nuáir rachtáoi go tabernacuil an chomhchruinnighthe; deagla go bhfuigheadh ſibh bás: biáidh ſin na reachd go bráth ar feadh bhur ngeinealach.

10 Agus chor go ccuirfidhe difir edir náomhtha, agus neamhnáomhtha, agus edir ghlan agus neamhghlan.

11 Agus chor go múinfidhe clann Iſrael anſa nuile ſtatúid do labhair an tighearna ríu lé láimh Mhaóiſe.

12 Agus do labhair Maoiſe re Haáron, agus re Heleáſar, agus re Hitamar a mhic do mhair, gá radh, glacuidh a nofráil bhidh as fuigheall dofráluibh án tighearna déanta le teinidh, agus ithidh gan láibhin í, láimh ris a naltóir: óir atá ró náomhtha.

13 Agus íoſtaoi é annſa náit náomhtha, chionn gurob é do chéartſa é, agus ceart do mhac as íodhbarthaibh an tighearna do níthear lé teinidh: óir s már ſin do haithnigheadh dhíomſa.

14 Agus íoſtaoi an tuchd croithte, agus an ſlinnéun tógtha a náit ghloin; thú féin, agus do mhic, agus hingheana maille leachd: oir is ceart duitſe íad, agus ceart do mhac, noch do bhéarthar as íodhbuirt na hofrála ſiodha, ó chloinn Iſrael.

15 Do bhéaruid léo an ſlinnéan togtha, agus an tuchd croithte, maille ris na hofráluibh do nithear le teinidh don gheir, dá chrathadh mar ofráil chroite a bhfiadhnuiſe an tighearna, agus budh leatſa é, agus léad mhacaibh maille leachd, a ſtatúid go bráth; mar do aithin an tighearna.

16 Agus do lorgair Maóiſe go dithchiollach a ndiáigh ghabhar na hofrála peacaidh, agus féuch, do loiſceadh é: agus do bhí ſé feargach le Heléaſar, agus re Hitamar mic Aaron, do fágbhadh beó, gá rádh.

17 Cread fá nár itheamhair a nofráil Pheacaidh an ſa náit náomhtha: ó tá ſé ró náomhtha, agus do thug Día bhſi é, diomchar chionta an cho chruinnighthe do dhéanamh ſíodha a ſon a latháir an tighearna.

18 Féuch nír tugadh a fhuil aſte taobh aſteach don áit náomhtha: budh cóir dhaóibh go demhin annſa naít naomhtha, mar do ai miſe.

19 Agus a dubhairt Aáron re M óiſe, féuch, a niugh do ofraladar nofráil pheacaidh, agus a nofráil ſcthe as coinne an tighearna, agus tharládar a leitheid ſin do neithibh mhſa: águs dá nithinn a nofráil pe caidh a niugh, an ngéabhthaoi a dhnuiſe an tighearna é.

20 Agus a núair do cuálaidh Ma do bhí ſe ríartha.

CAIB. XI.

Na beathaigh atá glan agús neamh 9 Na héiſg. 13 Na heúnlaithe. 20 créatuiredh gluaiſteach.

AGus do labhair an tighearna Maóiſe, agus re Haáron, gá riú.

2 Labhruidh re cloinn Iſrael, gá is iádſo na beathaidh ioſtaoi a na nainmhinteadh atá ar an talamh.

3 Giodh bé ar bith roinneas a onga, agus a bhfuil a chos ſcoilte, chognas a chíor a meaſc na nainm teadh ar an talamh, íoſtaoi ſin.

4 Giodheadh, ni íoſtaoi iádſo, mheid chognas an chíor, no ro a nionga: mar atá an cámhall, chionn go gcognann an chíor, ach roinneann a nionga: atá ſé neamhgh dhaóibh.

5 Agus an coinín, do chionn gcognann an chíor, achd ní ran a nionga: atá ſé neamhghlan óibh.

6 Agus an gearrfhiadh, do chion gcognann an chíor, achd ní ranna nionga: atá ſé neamhghlan.

7 Agus na muca, má tá go bhfu ccoſa ſcoilte, ni chognuid an chíor táid neamhghlan dhaóibh.

8 Ní íoſtaoi dhá bhfeóil, agus bheanfuidhe re na gconabluidh, neamhghlan dhaóibh.

9 Is iád ſo íoſtaoi, do nuile atá is na huiſgidhibh, a nuile ní bhfuilid eiteach, agus ſligneach, huiſgidhibh, annſna fairgibh, agus na ſrothaibh, íoſtaoi iádſin.

10 Agus an mheid ar nach bhfuil teach no lanna annſna fairgibh, annſna ſrothaibh, don mhéid corruig annſa nuiſce, agus déinní béo dhá ſna huiſgidhibh; béid adhfhuath aguibh.

11 Béid ſiad na nadhfhúathmhaire aguib

bh: ni ioſtaoi dá bhféoil, achd biáidh a
corp na nadhſhúathmhaireachd aguibh.
12 Giodh bé ar bith air nach bia ei-
teach nó lanna annſna huiſcidhibh, bi-
áidh ſin na adhſhúathmhaireachd
dhaóibh.
13 Agus is íad ſo bhías an adhúath-
mhaireachd aguibh a meaſc na neún, ní
híoſtar íad, is adhſhuathmhaireachd
íad: an tiolar, an préachán ceanann,
an tiaſgaire caírneach.
14 An badhbh, préachán na gcéarc,
do reír a chinnéil.
15 Gach uile ſhíach do reír a chinéil.
16 Agus an tulchabhcan, agus an ſea-
bhac oidhche, agus an chúach, agus
gach uile chinéul ſeabhaic.
17 Agus an tulchabhcan beag, agus an
fiach mor, agus an tulchabhcan mór.
18 Agus a neala, agus an pelicán, agus
an tiolar gréagach.
19 Agus an chorrghlas; agus an
chorrghrian, do reír a gcinéil, agus an
pilibín, agus a níaltóg leathair.
20 Gach uile éun ghluáiſeas ag im-
theachd, ceathair choſach, béid adhſhú-
athmhar dhaóibh.
21 Gidheadh féadfaói iadſo dithe,
gach uile ní eitiollach ſhnáidheas, gá
bhfuilid ceithre choſa, ga bhfuilid coſa
ós cionn a ttroigheach, lé lingid ar an
talamh.
22 Iad ſó cheana is éidir libh a nithe:
an lócuiſte do réir a chinéil, agus an
lócuiſte ceanann, mar bhíos a chínéil,
agus an bunnán gona chinéil, agus gra-
ſoper guna chineil.
23 Achd a nuile ní éitollach, glu-
áiſteach, noch gá bhfuilid ceithre choſa,
béid adhſhuathmhar dhaóibh.
24 Agus ar a ſon ſo béithi neamh-
ghlan: giodh bé ar bith bheanas ré na
cconabluidhe biáidh neamhghlan go
tráthnóna.
25 Agus giodh bé ar bith iomchoras
énni dá gconabluidh, nígheadh a éadach,
agus biáidh neamhghlan go tráthnona.
26 Cónablach gach uile ainmhidhe
noch roinneas a nionga, agus nach biáidh
a nionga ſcoilte, nó nach ccognann a
chíor, a táid neamhghlan dhaóibh: gach
uile dhuine dá mbeanſa ríu, biáidh ſé
neamhghlan.
27 Agus giodh bé ar bith imthigheas
ar a chrobhuibh a meaſc a nuile ſhórt be-
athach imthigheas a néintheachd ceathair
choſach, a táid neamhghlan díbh: gach
áon bheanſas re na cconabluidh biáidh
ſé neamhghlan go tráthrona.
28 Agus an té iomchorus an conablach,
nighfidh a éadach, & biáidh neamhghlan
go tráthnona atáid neamhghlan dhaóibh.
29 Biad ſó mar an ccéadna neamhghlan
díbh, meaſc na neitheadh ngluáiſteach
ghluáiſeas ar an talamh: an eaſóg, agus
an luch, agus an tortóis, gun a chinéil.
30 Agus an fireúd, agus án camélion,
agus a nearcluachra, agus an ſelide, agus
an talpa,

31 A táid ſo neamhghlan dhaóibh a
meaſc an uile ſhnáidheas: giodh bé ar
bith bheanas ríu, a nuáir bhid marbh,
biáidh neamhghlan go tráthnóna.
32 Agus giodh bé ar bith ní ar a
dtuitfidh énni dhíobh, a nuáir bhías
marbh, biáidh ſé neamhghlan; más
ſoitheach croinn é, nó éadach; no croi-
ceann, nó ſac, nó giodh bé ar bith ſoi-
theach é, lé ndéantar obair ar bith,
caithfighear a chur a nuiſce, biáidh nea-
mhghlan go nóin; glanfuighear mar ſin é.
33 Agus gach uile ſhoitheach criadh
ann a ttuitfidh éainní dhíobh, giodh bé
ar bith bhias ann, biáidh ſé neamhghlan;
agus briſfidhe é.
34 A nuile bhíadh is éidir dithe, ar
a rachaidh an tuiſce ſin, biáidh ſé neamh-
ghlan: agus gach uile dheoch is éidir dól
ann gach éantſoitheach mar ſin, biáidh
ſé neamhghlan.
35 Agus gach uile ní ar a ttuitfidh
áoinní da gconabluidhe, biáidh ſe neamh-
ghlan; más bácús é, no rainneſidhe do
photuibh, briſfighear ſíos íad: óir a-
táid ſiad neamhghlan: agus béid neamh-
ghlan dhaóibhſe.
36 Thairis ſin, tobar nó curr iona
mbía go lór uiſce, biáidh glan: achd
an cuid bheanas re na gconabluidh ſin,
biáidh neamhghlan.
37 Agus ma thuiteann éanchuid da
cconablach ar ſhíol cortha, bhías chum
a chora: biáidh ſin glan.
38 Achd má cuirthear uiſce ar bith
ar a tſíol, agus go ttuitfidh áon
chuid don chonabluidh ann; biáidh ſé
neamhghlan.
39 Agus ma éugann áoinbheathach dar
féidir libh ithe, an té bheanas re na
chonabluidh ſin, biáidh ſé neamhghlan
go nóin.
40 Agus an té itheas dá chonabluidh,
nigheadh a éadach, agus biáidh neamh-
ghlan go nóin: an té mar an gcéadna
iomchras a gconablach, nighfidh a éa-
dach agus biáidh neamhghlan go nóin.
41 Agus gach uile ní ſnáidhtheach
ſhnáidheas air an talamh, biáidh na
adhſhuathmhaireachd: ni híoſtar é.
42 Giodh bé ar bith imthigheas ar a
mbolg, agus giodh bé ar bith imthigheas
ar cheithre coſaibh, nó giodh bé ar a
bhfuil ní is mó do choſuibh a meaſc na
nuile neitheadh ſhnáidhtheach, ſnáidheas
ar an talamh, ní híoſtar iad, óir a táid
na nadhſhuamhaireachd.
43 Ni dhéantaoi ſibh féin gráí-
neamhuil lé héinni ſnáidhtheach ſhnái-
dheas, ní mó do dhéantaói ſibh féin
neamhghlan léo, lé ttruáilleochthaoi
ſibh na dtáobh.
44 Oir is miſe an tighearna bhur
Ndía: ar an adhbharſin naómhthoch-
thaoiſibh ſibh féin, agus beithí naómh-
tha; óir atáimſe naómhthá: ni mó thru-
aillfidhe ſibh féin lé héantſórt neitheadh
ngluáiſteach, noch ghluáiſeas ar an talamh.

45 Oír is miſe an tighearna do
bheir a mách ſibh as talamh na Hé-
gipte, do bheith am Dhía aguibh : beithí
ar an ádhbhar ſin náomhtha, óir a taimſi
náomhtha.

46 Aſé ſo dligheadh na mbeathach
agus na néun, agus gach uile chréatúir
béo da gcorruighean annſna huiſcidhibh,
agus gach uile chréutúir dá ngluáiſionn
ar an talamh.

47 Do dhéanadh eidirdhealuighe idir
an glan agus an neamhghlan, agus edir
an mbeathach as éidir dithe agus an
beathach nach éidir dithe.

CAIB. XII.

Glanta na mban tar eís tuiſmeadh.

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óiſe, dhá rádh.

2 Labhair ré cloinn Iſrael, ga rádh,
má ghabh bean ſíol agus go mbéara
mac; ann ſin biáidh ſí neamhghlan ſeachd
lá ; do reír láétheadh dealuighthe a
laige ria, biáidh ſí neamhghlan.

3 Agus annſa nochdmhadh lá timchill-
ghearrfuighear feóil a réamhchroicinn.

4 Agus ſanfa ſí ann ſin a bhfuil a
hannaicthe, trí lá agus tríochad : ní
bheánfa ſí re háinní naomhtha, agus ni
thiucfa don tſanctóir, nó go ccoimhlíon-
tar láethe a hannaicthe.

5 Ach mas leanbh mná bhéurus ſí,
biáidh ſí neamhghlan caoicidhis amhuil
iona dealughadh : agus ſanfuidh a bhfuil
a hannaicthe, ſé lá agus trí fithchid.

6 Agus a nuáir choimlíontar láethe
a glanta, ar ſon mic, nó inghine, do
bhéura ſí úan don chéidbhliadhuin le,
agus colum óg no éun turtuir, mar ofráil
pheacaidh go dorus thabernacuil an
chomhchruinnigh chum an tſagairt.

7 Noch ofráilſios é a lathair an ti-
ghearna, agus do dhéana ſíth ar a ſonſa,
agus biáidh ſí glan ó rith a fola. ſé ſo
is dligheadh do mhnaói bhéuras mac
nó inghean.

8 Agus muna ſhéadfa ſí úan do thabhairt
lé, anſin do bhéara dhá thurtuir lé, no
dhá cholum óga ; áon díobh mar ofráil
loiſcthe, agus an dara mar ofráil phea-
caidh, agus do dhéana an ſagart ſíth ar
a ſon, agus biáidh ſí glan.

CAIB. XIII.

*Reachd, ágús combtbardba Pblágba na lú-
bbra, ann a nduine.* 47 *Agus a neúdach.*

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óiſe, agus re Háaron, dhá rádh.

2 A nuáir bhías ag éanduine at,
nó gearb, nó léus a ccroiceann a
fhéola, agus go mbia a gcroiceann
a fhéola amhuil plágha lubhra : bearthar
ann ſin chum Aáron an ſagart é,
go mac dhá mhacaibh, bhías na ſhag
3 Agus féachfuidh an ſagart ar an
a gcroicionn a fhéola, agus má iom
gheann an bán annſa loit, agus go m
an loit níos doimhne re a faicſin
croiceann a fhéola, is loit lubhra
agus féachfuidh an ſagart air, agus
géoruidh a bheith neamhghlan.
4 Dá bhionn an léus bán a ccroice
a fhéola, agus ré faicſin nach bía ní
doimhne ná an croicionn, agus nách io
tochuidh a fhionnadh bán ; ann
íadhuidh an ſagart ar an tè ar a m
an loit ſeachd lá.
5 Agus féuchfuidh an ſagart air
ſeachdmhadh lá : agus féuch, má bh
loit ag fuireach, agus nach leith
chuidh annſa chroícionn, annſin dr
ſidh an ſagart air ſeachd lá eile.
6 Agus féuchfuidh an ſagairt air
rís an ſeachdmhadh lá : agus féuch,
bhíonn an loit réadéigin dorcha, agus n
leithneochuidh an loit annſa chroicio
ann ſin fuáigeoruidh an ſagart a bh
glan : ní bhfuil ann achd léus :
ſé a éadach, agus biáidh glan.
7 Achd má leathnuigheann an l
mach go mór annſa chroicionn, t
a faicſiona don tſagart ar ſon a gl
ta, féuchfuidh an ſagart air a rís.
8 Agus má chí an ſagart ſin, f
go leithneochuidh an léus anſa ch
ionn ; annſin fuáigeoruidh an ſa
neamhghlan é : is lúbhra í.
9 A nuáir bhías loit na lúbhr
nduine, ann ſin béarthar chum an
gairt é.
10 Agus féuchfuidh an ſagart
agus féuch, má bhíonn an tat bán a
chroicionn, agus go diontochuidh f
fionnadh bán ánnſa chroicíonn, agus
mbiá feóil bhéo dhearg annſa nat ;
11 Is ſeanlúbhra ſin a gcroicion
fhéola, agus fuáigéoruídh an ſa
neamhghlan é, agus ní chuirfidh a ſ
é : óir atá neamhghlan.
12 Agus má bhriſionn an lúbhr
mach ar fud an chroicinn, agus
bhfoileochuidh an lúbhra an croic
uile (an té ar a mbía) an loit óna ch
go nuige a choſa, ann gach áonbh
bhféuchfuidh an ſagart.
13 Ann ſin measfuidh an ſagart
agus féuch má dfoluigh an lúbhra
chorp uile, fuáigeoruidh ſé glan an
ar a mbía an lúbhra : do hionntóidh
uile bán, atá ſe glan.
14 Achd a nuáir ſhásfas feóil dh
ann, biáidh ſé ſalach.
15 Agus féuchfuidh an ſagart ar
bhfeóil dheirg, agus fuáigéoruidh é
bheith neamhghlan : óir atá a n
neamhghlan, is lúbhra í.
16 No má ionntóigheann a nfeóil d
a rís, agus go ttiucfa chum bheith b
tiucfa ſé chum an tſagairt.
17 Agus féuchfuidh an ſágart air

agus féuch, má ionntóigheann an loit ar
bheith bán; an sin fuáigeoruidh an sagart
glan (an té ar a mbía) an loit: atá se
glan.
18 A nfeóil mar an gcéadna, noch a
raibh an neascóid iona croicionn, agus
do leighisiodh,
19 Agus a náit na neascóide go mbía
at bán, no ballscóid shiollseach bhán
agus gné dheirge ann, agus go ttais-
beantar don tsagart é.
20 Agus a nuáir do chífe 'an sagart é,
féch, má bhionn a fhaicsin ní is ísle nó
an croiceann, agus go diontochuidh a
fhionnadh bán, foillseochuídh an sagart
neamhghlan é; is loit lúbhra é; ar na
bhriseadh a mach ó neascóid.
21 Achd má féachann an sagart air,
agus féuch, nach bía fionnadh ar bith bán
air, agus muna raibh ni is ísle nó an cro-
iceann, achd go mbía ní éigin dorcha air,
annsin druidfidh an sagart air seáchd lá.
22 Agus má leathnuigheann go mór a
mach annsa chroicionn, ann sin fuáigeor-
uidh an sagart neamhghlan é, is loit sin.
23 Achd má fhanann an bhallscóid
shoillseach na áit, agus gan leathnughadh
dhó, is neascóid loiscneach í, agus fuái-
geora an sagart glan é.
24 Nó má bhionn feóil ar bith san
chroicionn, as a ttiucfa teas loiscneach,
agus a nfeóil bhéo bhías da loscadh, go
mbía guirín bán loinreach innte, ní
éigin dearg no bán.
25 Ann sin féuchfuidh an sagart air,
agus féuch má athruigheann an fionnadh
ann sa ghuirín shoillseach bhán, agus go
mbía ré a fhéachuin ní is doimhne nó an
croicionn; is lúbhra í ar mbriseadh a
mach as an lasadh: uime sin fuáigé-
oruidh an sagart neamhghlan é; a sé
sin loit na lúbhraidh.
26 Achd má féuchann an sagart air.
agus féuch nach bía fionnadh bán ar bith
annsa nguirín shoillseach, agus nach bí
ní is ísle nó án croicionn eile, achd go
mbía ní éigin dórcha air; annsin drui-
dfidh an sagart air, go ceann sheachd lá.
27 Agus féuchfuidh an sagart air, an
seachdmhadh lá; & má leathnuigheann
go mór annsa chroicionn, ann sin fuái-
georuidh an sagart neamhghlan é, a sé
sin loit na lúbhra.
28 Agus má fhanann ann bhallscóid
shoillseach na áit féin, agus gan leathnu-
ghadh sa chroicionn, achd go mbi ní
éigin dorcha, is at lasta é, agus fuái-
georuidh an sagart glan é; óir is ainteas
lasta é.
29 Má bhíon an loit ar fhear nó ar
mhnáoi, iona gceann nó san bhfeasfóig.
30 Annsin féuchfuidh an sagart an
loit, agus féuch, má chí ní is ísle nó an
croicionn é, agus go mbí fionnadh tana
buidhe innte, annsin fuáigeoruidh an
sagart neamhghlan é: is carruídhe thirim
í, eadhon lubhra ar an gcionn, nó ar an
bhféusóig.
31 Agus má fhéuchann an sagart
ar an loit carruigh, agus féuch, muna
raibh nís doimhne annsa chroicionn,
agus nach bía grúag dhubh ar bith innte:
annsin iadhadh an sagart ar an té ar a
mbía an phláigh charruidhe, seachd lá.
32 Agus an seachdmhadh lá féuchfuidh
an sagart ar an loit: agus feuch,
muna leathnuighidh an charruidhe, agus
nach bíaidh grúag bhuidhe ann, agus
nach bía an carruidhe, a radharc nís ísle
nó an croicionn.
33 Bearrfuighear é, achd ní bhéarrfa
sé an charruidhe: agus druidfidh an
sagart ar an tí air a mbí an charruidhe,
seachd lá eile.
34 Agus an seachdmhadh lá féuchfuidh
an sagart ar an gcarruidhe: agus féuch,
muna leathnuighidh an charruidhe an sa
chroicionn, nó a bhfaicsin nís doimhne
nó an croicionn: annsin foillseochuidh
an sagart glan é: agus nighfidh a éa-
dach agus biaidh glan.
35 Achd má leathnuigheann an char-
ruidhe go mór ansa chroicionn tair éis
a ghlanta.
36 Annsin féuchfuidh an sagart air
agus féuch má leathnuigeann an charrui-
dhe annsa chroicionn, ná híarradh an sa-
gart gruág bhuidhe; atá sé neamhghlan.
37 Achd má bhíonn an charruidhe re
fhéachuin comhnuidhtheach, agus go bfás-
fuidh grúag dhubh súas innte: atá an
charruidhe slán, atá sé glan, agus fuágeo-
ruidh an sagart glan é.
38 Má bhíonn ar fhior nó ar mhnáoi
mar an gcéadna, builgléasach shoill-
seach a gcroicionn a bhfeóla, eadhon
builgléasach bán soillseach.
39 Annsin féuchfuidh an sagart, agus
féuch, má bhíonn an bhuilgléusach
gcroicionn a bhfeóla, nó iona bhfeóil,
dorcha; bánléusa teasbhuidh íad fhásas
annsa chroicionn; atá sé glan.
40 Agus an duine a ttuiteann a ghrú-
ag dá cheann, bí sé máol, gidheadh atá
sé glan.
41 Agus an té a ttuiteann a ghrúag
dá cheann leath ré na aghaidh, atá sé
máoiléadanach; gidheadh atá sé glan.
42 Agus má bhionn iona cheann
máol, nó iona mháoiléadan, créachd bán
dearg; is lúbhra sin do fhás súas iona
chionn máol, nó iona mháoiléadan.
43 Annsin féuchfuidh an sagart air;
agus féuch, má bhíonn at an chréachda,
bán déarg iona mháoilchionn, nó iona
mháoiléadan, mar thaisbeanus an lúbhra a
gcroicionn ná feóla.
44 Is fear lubhair é, atá sé neamhghlan;
foillseochuidh an sagart thríd amach
neamhghlan é: atá loit iona cheann.
45 Agus an lubhar iona mbía an
loit, brisfighear a éadach, agus biáidh
á cheann nochduidh, agus cuirfidh fo-
lach ar a phuisín úachdarach, agus fuai-
georuidh, Neamhghlan, neamhghlan.
46 Na huile láethe a mbía an loit
ann,

ann, biáidh sé salach, atá sé neamhghlan,
comhnochuidh ná aonar, taobh a muich
don champa (bhías) áitreabh.
47 An téadach mar an gcéadna iona
mbía loit na lúbhra, más éadach olla e,
nó éadach lin,
48 Mas a ndlúth nó a ninneach bhías,
do lion, nó doluinn, más a gcroicionn,
nó a ní ar bith do níthear do chroicionn.
49 Agus go mbía an loit uáine nó
dearg ansa néadach, nó annsa chroici-
onn, annsa dlúth nó annsa ninneach,
nó a neinní do chroicionn, is loit lúbhra é,
agus foillseochthar don tsagart é.
50 Agus féuchfuidh an sagart ar a
loit, agus druitfidh ar an ní, a mbía an
loit, seachd lá.
51 Agus féuchfuidh ar an loit an
seachdmhadh lá: má leathnuigheann an
loit sa néadach, san dlúth nó sa ninn-
each, nó a ccroicionn, nó a nobair ar
bith do níthear do chroicionn, is lúbhra
chrínteach an loit; atá sé neamhghlan.
52 Loiscfidh sé an téadach sin, uime
sin; más dlúth nó inneach é, a noluinn nó
a linéadach, nó a néainní do chroicionn
iona mbía an loit: óir is lúbhra crín-
teach é; loiscfighear a tteinidh é.
53 Agus má fhéuchann an sagart air
an loit, agus féuch, muna leathnuighidh
sé annsa néadach, annsa dlúth, no annsa
ninneach, nó a néainní don chroiceann:
54 Annsin fuáigeoruidh an sagart
an ní ar a bhfuil an loit do nighe,
agus cuirfidh fá iadhadh é seachd lá eile.
55 Agus féuchfuidh an sagart ar
an loit a ndiáigh a nighthe: agus féuch,
munar áthruigh an loit a dath, agus
nar leathnuigh an loit; atá sé neamh-
ghlan, loiscfidh tú annsa teinidh é, atá
sé cnáidhteach taobh a stigh, más lom a
stigh nó a muigh é.
56 Agus má fhéuchann an sagart,
agus féuch, go mbía an loit ní eigin
dorcha tar éis a nighthe, annsin bris-
fidh sé amach as a néadach é, no a-
mach as an gcroicionn, nó as a ndlúth,
nó as a ninneach.
57 Agus má thaisbeanann sé fós ann-
sa néadach, nó annsa dlúth nó annsa
ninneach, nó a néainni don chroicionn,
is loit leathnuighthe é, loisgfidh tú an ní
sin iona mbía an loit le teinidh.
58 Agus an téadach, más dlúth nó
inneach, nó gidh bé ar bith ní do chroi-
cionn da mbía, noch nighfeas tú, má
fhágbhann an loit íad, annsin nighfighear
an dara huáir íad, agus (biáidh) glan.
59 Is é so dlighidh loite na lúbhra a
néadach olla, nó lin, annsa dlúth nó
annsa ninneach, nó a néainní do chroic-
nibh, dá fhúagra glan, nó dá fhúagra
neamhghlan.

CAIB. XIV.

Modh ghlanta na Lúbhra, a nduine, 33 Agus a ntigh.

AGus do labhair an tighearna r
Maóise, dhá rádh.
2 Budh é so dligheadh an lobhair
a ló a ghlanta: do bhearthar ch
an tsagairt é.
3 Agus rachuidh an sagart ama
as an bhfoslongphort: agus féuchfuid
an sagart é, agus féuch, má bhío
loit na lúbhra léigheasta anna l
bhar.
4 Annsin do bhéura an sagart fá de
dhá éun do ghabhail beó, agus glan, do
tí bhías ré a ghlanadh, agus connadh c
dair, agus scarlaóid, agus íosoip.
5 Agus aitheonuidh an sagart é
dhíobh do mharbhadh a soitheach ch
aidh ós cionn uisce reatha.
6 Ar son a neóin bheó glacfuidh
agus an connadh céadair, agus an sc
laoid, agus tumfuidh íad agus an t
beó a bhfuil a neóin do mharbhadh
cionn a nuisce reatha.
7 Agus croithfidh ar an tí bhías
ghlanadh on lúbhra seachd nuáire
agus foillseochadh é bheith glan, a
scaoilfidh amach an téun beó san ma
aire réidh.
8 Agus nighfidh an té bhías
ghlanadh éadach agus béarfuidh a fhi
nadh uile dhe, agus nighfidh é san
nuisce, cor go mbia glan, agus na dhia
sin tiucfa do nfoslungphurt, agus fa
fuidh a muich as a lóistin seachd lá.
9 Achd is ar an seachdmhadh l
bhéarrfas a fhionnadh uile, dá che
agus da fhéasóig, agus do mhailghi
shúl, eadhon bearrfuidh a fhionn
uile dhe, agus nighfidh a éadach, nigh
fós a fheóil a nuisce, agus biáidh sé gl
10 Agus annsa nochdmhadh lá g
fuidh sé dhá úan fhirionna gan chái
agus úan buinionn don chéadbhliadh
gan cháidhe, agus trí deachmhadh c
do phlúr mhín mar ofráil bhídh, c
aiscthe le hola, agus éanlog ola.
11 Agus an sagart do dhéanas g
é, béaruidh se an duine bhías ré g
nadh, agus na neithesin do lath
tighearna, ag dorus thabearnacuil
chomhchruinnighthe.
12 Agus glacfuidh an sagart éan
firionn, agus ofrálfuidh é mar o
sháruighthe, agus an log ola, agus c
ithfidh íad mar ofráil luáimnigh do l
thair an tighearna.
13 Agus muirfidh sé án túan, a
náit a muirfidh a nofráil pheacaidh, a
a nofráil loiscthe, annsa náit náomh
óir mar is leis an tsagart a no
pheacaidh, is leis mar sin a nofráil
ruighthe: atá sí ró náomtha.
14 Agus glacfuidh an sagart
dfuil ofrála an tsáruighthe, agus c
fidh an sagart sin ar bharr cluaise
an té bhías ré ghlanadh, agus ar
dóig a láimhe deise, agus ar ordó
choise deise.

15 A

15 Agus glacfuidh an ſagart cuid don log ola, agus dóirtfidh ar chlár a dhéarnoide clé féin í.

16 Agus tumfuidh an ſagart a mhéar deas annſa nola atá iona láimh chlé, & croithfidh a nola lé ná mhéur, ſeachd nuáire as coinne an tighearna.

17 Agus cuid eile do nola atá iona láimh, cuirfidh an ſagart ar bhárr cluaiſe deiſe an té bhías ré ghlanadh, agus ar ordóig a láimhe deiſe, agus ar ordóig a choiſe deiſe, ar fhuil na hofrála ſáruighthe.

18 Agus fuigheall na hola bhias a láimh an tſagairt, dòirtfidh ſé ar cheann an tí bhias ré ghlanadh; & do dhéana an ſagart ſioth ar a ſhon a lathair an tighearna.

19 Agus ofráilfidh an ſagart a nofráil pheacaidh, agus do dhéana ſith ar ſon an tí bhias ré ghlanadh ó na neámhghloine, agus na dhiáigh ſin muirfidh a nofráil loiſcthe.

20 Agus ofráilfidh an ſagart ofrail loiſcthe, agus a nofráil bhídh ar a naltóir; agus do dhéana an ſagart ſith ar a ſhon, agus biáidh glan.

21 Agus má bhíonn bochd, agus nach bhfuighe an oiread ſin, annſin glacfuidh éan úan amháin mar ofráil ſháruighthe, ré na chrothadh, do dhéanamh ſithe dhó, & áoindeachmhadh cuid do phlúr mhin chumaiſcthe le hola, mar ofráil bhídh, agus log don ola;

22 Agus dhá thurtuire nó dhá cholum óga, an ní is éidir leis a fhagháil; agus biáidh éun díobh na ofráil pheacaidh, agus an dara héan na ofráil loiſcthe.

23 Agus do bhéura leis an tochdmhadh lá íad, ar ſon a ghlanta, chum an tſagairt, go dorus thabernacuil an chomhchruinnighthe, a bhfiaghnuiſe an tighearna.

24 Agus glacfuidh an ſagart úan na hofrála ſáruighthe, & an log ola, agus croithfidh an ſagart íad, mar ofráil chroitthe as coinne an tighearna.

25 Agus muirfidh ſé úan na hofrála ſáruighthe, agus glacfuidh an ſagart cuid dfuil na hofrála ſáruighthe, agus cuirfidh é ar bhárr cluáiſe deiſe an té bhías re ghlanadh, agus ar ordóig a láimhe deiſe, agus ar ordòig a choiſe deiſe.

26 Agus dóirtfidh an ſagart do nola ar chlár a dhéarnoide clé féin.

27 Agus dóirtfidh an ſagart lé ná mhéur deas, cuid no nola bhías iona láimh chlé, ſeachd nuáire a bhfiadhnuiſe an tighearna.

28 Agus cuirfidh an ſagart do nola bhías iona láimh uadha, ar chluáis deis an té bhías ré ghlanádh, agus ar ordóig a láimhe deiſe, agus ar ordóig a choiſe deiſe, ar áit ola na hofrála ſáruighthe.

29 Agus an chuid eile do nola bhías a láimh an tſagairt, cuirfidh ſé ar cheann an té bhías ré ghlanadh, do dhéanamh ſíodha dhó a bhfiaghnuiſi an tighearna.

30 Agus ofrálfuidh áon do na héanuibh turtuire, nó do na columuibh óga, gidh bé aca gheabhas an tí bhías ré a ghlanadh,

31 Eadhon an ní fhéadfas dfagháil, áon ar ſon ofráil peacaidh, agus an dara héun ar ſon ofrála loiſcthe, maille ris a nofráil bhídh, agus do dhéana an ſagart ſíth ar ſon an té bhías ré ghlanadh, as coinne an tighearna.

32 As é ſo dligheadh an té iona mbía loit na lúbhra, ag nach bhfuil do chumus na láimh, an ní bheanas ré na ghlanadh dfagháil.

33 Agus do labhair an tighearna ré Maoiſe, agus ré Háaron, dha radh.

34 A nuáir thiucfuidhe go tír Chanáin, noch do bheirimſi dháoibh mar ſheilbh, agus chuirfeas mé loit na lúbhra a ttigh da bhur bhfearann ſeilbhe.

35 Agus go ttiucfa an té ler leis an tigh, agus inneoſa ſé don tſagart, dá rádh, do chíthear dhamhſa mar do bhíadh pláigh (lubhra) annſa tigh.

36 Annſin fuáigeoruidh an ſagart dóibh an tigh fholmhughadh, ſuil rachus an ſagart a ſteach ann, dféachuin na loite: chor nach deantaoi a mbía annſa tigh uile neamhghlan: agus na dhiáigh ſin rachuidh an ſagart a ſdeach dféuchuin an tighe.

37 Agus féuchfuidh ar an loit, agus feuch, mas a mballuidhibh an tighe bhías a loit lé ſtríochuibh tolla, glaſamhla no gné dheirge, noch is íſle ré a fhéuchuin nó an balla.

38 Annſin rachuidh an ſagart amach as an ttigh go dorus an tighe, agus druidfidh ſúas an tigh ſeachd lá.

39 Agus tiucfuidh an ſagart a rís an ſeachdmhadh lá, agus féuchfuidh: agus feuch ma leathnuigheann an loit a mballuibh an tighe.

40 Annſin aitheonuigh an ſagart dhiobh na clocha do bhuáin as, iona mbía an loit, agus teilgfidh amach a náit ſhalaidh íad táobh a muich don chathruigh.

41 Agus do bhéura fá deara an tigh do ſcrioſadh fa gcuáirt táobh a ſtigh, agus dòirtfidh amach an luáithreadh ſcriosfuidh ſíad dhe, táobh amach don chathruigh a náit neamhghloin.

42 Agus glacfuidh clocha eile, agus cuirfidh a náit na gclochſin íad, agus glacfuidh moirtéul eile, agus pláiſtreochuidh an tigh.

43 Agus ma thig an loit a rís, agus go mbriſfidh amach annſa tigh, tar éis na gcloch do bhuain as dó, agus tar éis an tighe do ſcríobadh, agus tar éis a dhóbalta,

44 Annſin

44 Annsin tiucfuidh an sagart, agus
féuchfuidh, & féuch, má leathnuigheann
an loit annsa tigh is lúbhra crínteach é
annsa tigh: atá neamhghlan.
45 Agus brisfidh síos an tigh, a chlo-
cha agus ádhmad, & moirtéul an tighe
uile; agus iomchóruidh amach as an
gcathruigh íad chum ionaid neamhghloin
46 Os a chionn so gidh bé ar bith ra-
chus a steach san tigh, ar feadh na haim-
sire ata druitesúas, biaidh neamhghlan
go nóin.
47 Agus an té luighfeas annsa tigh,
nighfigh a éadach: agus an té iosas annsa
tigh, nighfidh a éadach.
48 Agus má thig an sagart a steach
agus féachuin air, agus féuch, muna ar
leathnuigh an loit annsa tigh tar éis an
tighe do phlástráil: annsin fuáigeoruidh
an sagart an tigh glan, do chionn gur
leighiseadh an loit.
49 Agus glacfuidh sé do ghlanadh an
tighe, dhá éun, agus maide cédair, agus
scárláoid agus íosoip.
50 Agus muirfidh éun díobh a soitheach
chríadh, ós cionn uisce reatha.
51 Agus glacuidh an maide cédair,
agus an íosoip, agus an scárláoid, agus an
téun beó, agus tumfuidh íad a bhfuil
a neóin mhairbh, agus annsa nuisce
reatha, agus croithfidh san tigh seachd
nuáire é.
52 Agus glanfuidh an tigh lé fuil a
neóin mhairbh, agus leis a nuisce reatha
agus leis a néun bheó, agus leis an maide
cédair, agus leis a níosoip, agus leis a
scárláoid.
53 Achd léigfidh do néun bheó im-
theachd amach as an gcathruigh, chum
an mhachaire réidh, agus do dhéana sé
síth don tigh, agus biáidh glan.
54 As é so dligheadh gach uile shórt
loite lúbhra, agus charra.
55 Agus do lúbra éaduigh agus
tighe.
56 Agus ar at, agus ar gheirb, agus ar
bhallscóid shoillsigh.
57 Da theagasg a nuáir bhías neamh-
ghlan, agus a nuáir bhías glan: a sé so
dligheadh na lúbhra.

CAIB. XV.

Créachd silt na mfear. 13. *agus an glanadh.*
19 *Silt na mban.* 28. *agus a nglanadh.*

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óise agus ré Haáron, gá rádh.
2 Labhair ré cloinn Israel, agus abair
ríu, a nuáir bhías creáchd ar silt ar aon-
duine as a fheóil, do bhrígh créachd a
shilte, atá se neamhghlan.
3 Agus budh e so a neamhghloine io-
na chreachd: má rithionn a fheóil leis
an ccréacht, no má fhanann a fheóil óna
chreachd, is é a neamhghloine é.

4 Agus gach uile leaba ar a luighfeas
sesion ar a bhfuil an tsilt, atá neamh-
ghlan: agus gach ní ar a suidhfe sé bi-
áidh neamhghlan go nóin.
5 Agus giodh bé ar bith bheanfus ré
na leabuidh, nighfidh sé a éadach agus
fóthruichfidh é féin a nuisce, agus biáidh
neamhghlan go nóin.
6 Agus giodh bé ar bith shuidhfeas ar
an áit ar shuigh an té ar abhfuil a
chréachd, nighfidh a éadach agus fo-
ruicfidh é féin a nuisce, agus biáidh
neamhghlan go nóin.
7 Agus an té bheanas re feóil an té
ar a bhfuil an chréacht, nighfidh a
éadach, agus fothruicfidh é féin
a nuisce, agus biáidh neamhghlan go
nóin.
8 Agus má chuirionn an té ar a bhfuil
an chréacht, a shilt ar an tí bhíos glan;
annsin nighfidh an té sin a éadach, &
fothruicfidh é féin a nuisce, agus biáidh
neamhghlan go nóin.
9 Agus giodh bé ar bith díalláoid ina
suidhfe sesion ar a mbía an chréacht,
biaidh neamhghlan.
10 Agus giodh bé ar bith bhean-
re háoinní dá mbía faói, biáidh neamh-
ghlan go nóin: agus giodh bé ar bith
iomchras éinní dhíobh sin, nighfidh a é-
dach, agus fothruicfidh é féin a
nuisce, agus biáidh neamhghlan go
nóin.
11 Agus giodh bé ar bith re mbean-
fa an té ar a mbía an chréacht, a-
nar mheasc a lámha a nuisce, nighfidh
sé a éadach, agus fothruicfidh sé é féin a
nuisce, agus biaidh neamhghlan go
nóin.
12 Agus an soitheach críadh ré mbean-
fa an té ar a bhfuil an chréachd, bris-
fighear é, agus meascfuighear gach uile
shoitheach croinn a nuisce.
13 Agus a nuáir ghlantar an tí ar a
mbía an tsilt, óna chréacht; annsin
áireomhuigh sé dhó féin seacht lá chum
a ghlanta, agus nighfidh a éadach, agus
fhothruicfidh a fheóil a nuisce rithe, a-
gus biáidh glan.
14 Agus ar a nochdhmhadh lá gla-
fuidh chuige dhá éun turtuire, nó dhá
cholum óga, agus tiucfa a lathair an
tighearna, go dorus thabernacuil an
chomhchruinnighthe, agus do bhéura do
tsagart íad.
15 Agus ofráilfidh an sagart íad, éun
aca ar son ofrala peacaidh, agus an dá-
ra héun ar son ofrála loiscthe; agus do
dhéana an sagart síth ar son a shilte a
lathair an tighearna.
16 Agus ma imthigheann a shíol coim-
riachtanuis ó éanduine; annsin nighfidh
a fheóil uile a nuisce, agus biáidh
neamhghlan go nóin.
17 Agus gach uile éadach agus gach
uile chroicionn ar a mbía síol an chomh-
riachdanuis, nighfighear lé huisce
agus biáidh neamhghlán go nóin.

18 An bhean mar an gcéadna lé luidhſe
fear maille re ſiol an choimhríachdanuis,
fothruicfidh íad a ráon a nuiſce, agus
béid neamhghlan go nóin.
19 Agus má bhíon ſilt ar mhnáoi,
agus go mbía a ſilt iona feóil, na fuil,
cuirfighear ar leith ſeacht lá i: & giodh
bé ar bith bheanás ría, biáidh neamh-
ghlan go nóin,
20 Agus gach uile ní iona luidhfidh
ſi iona leithreachus, biáidh neamhghlan:
gach éinní mar an gcéadna ar a ſuidhſidh
ſi biáidh neamhghlan.
21 Agus giodh bé ar bith bheanas ré
na leabuidh, nighfidh ſé a éadach agus
fothruicfidh (é féin) a nuiſce, & biáidh
neamhghlan go nóin.
22 Agus gidh bé ar bith bheanas ré
héinní air ar ſhuidh ſi, nighfidh ſé a
éadach, & fothruicfidh ſé (é féin) a nuiſ-
ce, & biaidh neamhghlan go nóin.
23 Agus mas ar a leabuidh nó ar
éinní air ar ſhuidh ſí, a nuáir bheanſas
ſé ris, biáidh neamhghlan go nóin.
24 Agus má luighíonn duine ar bith
aice ar éanchor, agus a fuil mhíos bheith
air, biáidh ſé neamhghlan ſeachd lá: &
biáidh an leaba uile ar a luidhfidh ſé
neamhghlan.
25 Agus má bhíonn ſilt fhola ar
mhnáoi mórán do láethibh ós aimſir a
leithreachuis, no má rithionn tar aimſir
a leathreachuis; láethe ſilte a neamh-
ghlaine béid uile mar láethe a leithrea-
chuis: biáidh ſí neamhghlan.
26 Gach uile leaba ar a luidhfidh ſi
feadh láetheadh a ſilte, biáidh ſi mar lea-
buigh a leithreachus: gidh bé ar bith ní
ar a ſuidhfidh ſí, fós biáidh neamhghlan,
mar neamhghloine a leithreachuis.
27 Agus gidh bé ar bith bheanas ris
na neithibh ſin, biáidh neamhghlan, agus
nighfidh a éadach, agus fothruicfidh (é
féin) a nuiſce, agus biáidh neamhghlan
go nóin.
28 Agus má ghlantar í óna ſilt, annſin
áireomhuidh dhi fein ſeachd lá, agus na
dhiaigh ſin biáidh glan,
29 Agus ar a nochdmhadh lá géabhuidh
ſi chuicthe dhá thurtuire, nò dhá cholum
óga, agus béura chum an tſagairt íad,
go dorus thabernacuil an chomh-
chruinnighthe.
30 Agus ofráilfidh an ſagart áon
aca mar ofráil pheacaidh, agus an
dara mar ofráil loiſcthe; agus do
dhéana an ſagart ſíth ar a ſon a la-
thair an tighearna, ar ſon ſilte a neamh-
ghloine.
31 Mar ſo dheileóchuid clann Iſrael ré
na neamhghloine; ionnus nach bhfaghaid
bás iona neamhghloine, a nuáir thruáillid
mo thabeárnacuilſi atá na meaſc.
32 Is é ſo dligheadh an té ar a
mbí ſilt, agus an té a rachuidh a
ſhiol uadha, agus a ſaileochthar leis
ſin é.
33 Agus an bhean bhias tinn ó na
bláth. agus an tí ar a mbía créachd ſhil-
teach, an fhir, & na mná, agus an té
luidheas lé, noch ata neamhghlan.

CAIB. XVI.

Ofrala agus Feuſt ghlanta údir ſan bhlíadhan arſon an tſaguirt fein agus an phobail uile.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóiſe, déis bháis dheiſi mac
Aáron, a nuáir do ofráladur a bhfíadh-
nuiſi an tighearna, agus do éagadar.
2 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóiſe, labhair ré Haáron do dhearbh-
rathair, gan teachd gach éanuáir do náit
náomhtha,táobh a ſteach don fholach,as
coinne an tſuidhe thrócaire, noch atá ar
a náirc; go nach bhfuigheadh bás: óir
taisbéanſa miſi mé féin annſa néull ar
an tſuidhe thrócaire.
3 Mar ſo thiucfas Aáron ſa náit
náomhtha: maille ré bulóig óig mar of-
ráil pheacaidh, agus reithe mar ofráil
loiſcthe.
4 Cuirfidh ſé uime an cóta náomhtha
línéaduigh, agus béid na bríſtidhe
línéaduigh ré na chroicionn, agus ar na
chrioſlúghadh lé crios línéaduigh, agus
leis an Míter línéaduigh éideochthar é;
is èaduighe náomhtha iadſo; uime ſin
nighfidh ſé a fheóil a nuiſce, agus ann-
ſin cuirfidh uime íad.
5 Agus tóigeobhuidh do chomhchruinniu-
ghadh chloinne Iſrael, dá mheannan do
na gabhruibh ar ſon ofrala pheacaidh, &
áon reithe mar ofráil loiſcthe.
6 Agus ofráilfidh Aaron a bhulóg na
hofrála peacaidh noch bhías ar a ſhon
féin, do dhéanamh ſíotha ar a ſhon féin
agus ar ſon a thighe.
7 Agus glacfuidh an dá ghabhar
agus taiſbéanfuidh íad as coinne an ti-
ghearna ag dorus thabearnacuil an
chomhchruinnigh.
8 Agus cuirfidh Aáron crannchar ar
an dá ghabhar: eadhon crann ar ſon an
tighearna, agus crann ar ſon an ghabh-
air a rachus as.
9 Agus do bhéura Aáron leis an
gabhar air ar thuit crannchair an ti-
gehearna, agus ofrálfuidh é mar ofráil
pheacaidh.
10 Achd an gabhar air ar thuit crann-
chair a léigthe as, béarthar beó as
coinne an tighearna é, do dhéanamh
ſíotha leis, agus léigſe dhó imtheachd
mar ghabhar ſháor ſan bhfáſach.
11 Agus do bhéura Aáron bulóg na
hofrála peacaidh leis, noch bhías ar a
ſhon féin, agus do dhéana ſíth dhó fein,
agus dá thigh, & muirfidh bulóg na hof-
rala peacaidh atá ar a ſhon féin.
12 Agus glacfuidh ſionnſa lán do
ſmeorthóidibh teineadh ó a naltóir as
coinne an tighearna, agus lán a ghlaice
do

do tháis dheaghbholuidh, brúite go
mion, agus do bhéura táobh a ſtigh do
nſolach é.
13 Agus cuirfidh an túis ar an teinidh
a bhſiadhnuiſe an tighearna, chor go
bhſoileochuidh néull na túiſe an ſuidhe
trócaire, atá ar an bhſiaghnuiſe, go
naeh bhſaghaidh bás.
14 Agus glacſuidh dſuil na bulóige,
agus croithfidh ſé lé na mhéur ar an
tſuidhe thrócaire í, leath ſhoir : agus ar
aghuidh an tſuidhe thrócaire croithfidh
do nſuil ſeachd nuáire, lé na mhéur.
15 Annſin muirfidh gabhar na hof-
rála peacaidh bhías ar ſon an phobail, a
gus do bhéura a fhuil táobh a ſteach do
nſolach, & do dhéana ris an bhſuil ſin
mar do rinne ſé ré ſuil na bulóige, agus
croithfidh í ar an ſuidhe trócaire, agus
ar aghuidh an tſuidhe thrócaire.
16 Agus do dhéanuidh ſíoth ar ſon
an ionaid náomhtha, do bhrígh neamh-
ghloine chloinne Iſrael, agus do chionn a
ſaruighthe iona uile pheacadhuibh : & do
dhéana mar ſin ar ſon thabernacuil an
chomhchruinnighthe, noch chomhnuigh-
eas na meaſc, a meadhón a neamh-
ghloine.
17 Agus ní bhía éanduine a ttaberna-
cuil an chomhchruinnighthe, a nuáir ra-
chus ſé a ſteach do dhéanamh na ſiodha
annſá náit náomhtha, nó go tí amach, &
go ndéarna ſíth ar a ſhon féin, agus ar
ſon a thighe, & ar ſon chomhchruinn-
ighthe Iſrael uile.
18 Agus rachaidh amach chum na
haltóra atá as coinne an tighearna, &
do dhéana ſíth ar a ſon ; & glacfuidh
dſuil na bulóige, & dſuil an ghabhair, &
cuirfidh ar bheannuibh na haltóra ſá
gcuáirt í.
19 Agus croithfidh do nſuil uirre
lé ná mhéur ſeachd nuáire, & glanfuidh
í, agus náomhthochuidh í ó neamh-
ghloine chloinne Iſrael.
20 Agus a nuáir chuirfeas críoch
ar dhéanamh ſíthe do náit náomhtha,
agus do thabernacuil an chomhchruinni-
ghthe, agus do naltóir, do bheura an ga-
bhar beó leis.
21 Agus leagfuidh Aáron a dhá láimh
ar chionn an ghabhair bheó, agus aide-
ómhuidh ós a chionn olc chloinne Iſ-
rael uile, agus a ſárúighthe iona bpeac-
adhuibh uile, dá gcur ar chionn an ghabh-
air, & cuirfidh ar ſiubhal é lé láimh
dhuine iomchubhaidh, ſán bhſáſach.
22 Agus iomchoruidh an gabhar air
féin a néigceart uile, go fearann gan
áitreabh : agus léigfidh an gabhar
uadha ſan bhſáſach.
23 Agus tiucfaidh Aáron a ttabearna-
cuil an chomhchruinnighthe, & cuirfidh
ſé na héaduighe lín de, noch do chuir
air a nuáir do chuáidh do náit náomhtha,
agus fúigfidh annſin íad.
24 Agus nighfidh a fheoil le huiſce an
ſa náit náomhtha, agus cuirfidh éadach
air, agus rachfuidh amach agus ofrálfuidh
iodhbuirt loiſcthe, agus ofráil loiſc
an phobail, agus do dhéana ſíoth d
féin, agus don phobal.
25 Agus loiſcfidh ſé méathas na h
rála peacaidh ar a naltóir.
26 Agus an té do léig an gabh
uadha, mar ghabhar ſhaor, nighfid
ſé a éadach, agus fothruicfidh ſé
fheóil a nuiſce, agus na dhiáigh ſin
ucfa ſé don champa.
27 Agus an bhulóg ar ſon na hofr
peacaidh, & an gabhar ar ſon na hofr
peacaidh, a ttugadh a bhſuil a ſteach
dhéanamh ſíodha annſa náit náomh
béurfuidh óglach amach as an cam
(íad) & loiſcfidh annſa teinidh a gc
icne, & a bhfeóil, agus a notrach.
28 Agus an té loiſcfeas íad, nighfid
éadach, agus fothruicfidh a fheoil
nuiſce, agus na dhiáigh ſin tiucfa d
fhoſlungphort.
29 Agus biáidh ſo na ſtatúid go b
aguibh : bhur nanmanna do chráidh
an ſeachdmhádh mí, ar an deachm
lá don mhí, & ní dhéantáoi obair
áonchor, más do bhur ttír féin é,
coimhthidheach chomhnuigheas
meaſg.
30 Oir is ar an lá ſin do dhéana
ſagart) ſíth ar bhur ſon, dá b
nglanadh, lé mbeithí glan a bhſiagh
an tighearna ór bpeacuighibh uile.
31 (Biáidh ſé) na ſhábóid ſhuáimh
ſa aguibh, agus cráiſidhe bhur nanm
lé ſtatúid go bráth.
32 Agus an ſagart ungſas, agus
reógas ſé chum minioſtralachd a
an tſagairt a náit athar, is é do dhé
an tſíth, agus cuirfidh an téadach
air, an chuluidh náomhtha.
33 Agus do dhéana ſíth don
tóir náomhtha, agus do dhéana ſíth
thabearnacuil an chomhchruinnighthe
don naltóir : agus do dhéana ſíth
ſon na ſagart, agus ar ſon phobail
chomhthionóil uile.
34 Agus biaidh ſo na ſtatúid ſhío
dhe aguibh, do dhéanamh ſíodha
chloinn Iſrael, ar ſon a bpeacu
uile, uáir ſan mbliadhuin : agus
rinne ſé mar do aithin an tighearna
Mhaóiſe.

CAIB. XVII.

Ni bféidir ſuil ithe ; 15. no ſeóil do to
le beathachaibh.

AGus do labhair an tighearna
Maóiſe, dá rádh.
2 Labhair ré Hiaron, agus r
chloinn, agus ré cloinn Iſrael uile,
abair ríu, is é ſo an ní do aithin a
ghearna, dá rádh.
3 Gidh bé ar bith duine bhías do
Iſrael, mhuirfeas damh, no úan,
bhar, annſa champa, nó mhuirfeas
a muich don champa.

4 Agus nach dtiubhra go dorus thabernacuil an chomhchruinnighthe é, do ofráil iodhbartha don tighearna as coinne thabernacuil an tighearna; cuirfighear fuil a leith an fhirsin, do dhóirt sé fuil: agus gearrfuighear an duine sin amach ó mheasg a dáoine.

5 Ar chor go ttiubhraidis clann Israel a níodhbartha, noch ofráilfid ar an machaire a muigh, don tighearna go dorus thabernacuil an chomhchruinnighthe chum an tságairt, agus go nofráilfid mar ofráluibh síotha don tighearna iad.

6 Agus croithfidh an sagart a nfuil ar altóir an tighearna, ag dorus thabernacuil an chomhchruinnighthe; & loisgfidh an méathas mar bhaladh deaghbholaidh don tighearna.

7 Agus ní ofráilfid nís mó a níodhbartha do dhiabhluibh, a ndiáigh ar imthigheadar lé striapachus: biáidh so na statúid aca go bráth ar feadh a ngeinealach.

8 Agus déara tusa riú, gidh bé ar bith duine do thigh Israel, nó do na coimhighthibh bhíos ar cuáirt eadruibh, ofráilfeas ofráil loiscthe, nó íodhbuirt,

9 Agus nach dtiubhra go dorus thabernacuil an chomhchruinnighthe é, dá ofráil don tighearna, gearrfuighear cheana an té sin amach as lár a mhuinntire.

10 Agus gidh bé ar bith duine bhías do thigh Israel, nó do na choimhighthibh bhíos ar cuáirt bhur measg, itheas éaingheé fhola; cuirfidh misi umarro maghaidh a naghaidh a anma sin itheas fuil, agus gearrfa mé amach ó na dháoinibh é.

11 Oir is annsa bhfuil atá anam na feola, agus tug misi dháoibhsi í ar a naltóir, do dhéanamh síodha dá bhur nanmannuibh: óir a sí a nfuil do ní síth ar son a nanma.

12 Uime sin a dubhairt mé le cloinn Israel, ní iosaidh áonduine aguibh fuil, ní mó íosas áonchoimhighthеach da bhur gcoimhighthibh fuil, do chomhnuigheas bhur measc.

13 Agus gidh bé ar bith duine bhías do chloinn Israel, nó do na coimhighthеachuibh chomhnuigheas bhur measc, do ní fiadhach agus bheireas ar bheathach nó ar éun is éidir ithe, dóirtfidh amach a fhuil sin, agus foileochuidh lé luáithreadh í.

14 Oir is í beatha gach uile fheóla í, is ar son a bheatha bhíos a fhuil; is uime sin a dubhairt mé re cloinn Israel, ní iosfáoi fuil fheóla ar bith: óir is í a fhuil anam gach uile fheóla: gidh bé ar bith iosas í, gearrfuighear amach é.

15 Agus gach uile anam íosas a nfeóil fuair bás (uáithe fein) nó do mharbhadh (lé beathadhachaibh) más duine dot thir féin é, nó coimhidhtheach, nighfidh (a) éadach, agus fothruicfidh (é féin) a nuisce, & biáidh neamhghlan go nóin: annsin biáidh sé glan.

16 Achd muna nighfidh sé (iad), nó a chorp do fhothrughadh, annsin iomchóruidh sé a choir.

CAIB, XVIII.

Céimeadh na ngáol-fogus, do bhacfas pósadh. 19 na mianghusa neichneasda.

AGus do labhair an tighearna ré Maóise, dá rádh.

2 Labhair re cloinn Israel, agus abair riú, is misi an tighearna bhur Ndía.

3 Ní dhéantáoi do réir gníomhartha chriche na Hégipte, mar ar áitigheabhair: agus do réir oibreach thire Cánaain, iona bhfuilim dhá bhur ttabhairt, ní dhéantáoisi: ní mó imeochtháoi lé na nórduighthibh.

4 Do dhéantáoi mó bhreitheamhnuisi agus coimhéadfuidhe mórduighthe, ag siubhal ionta: is misi an tighearna bhur Ndía.

5 Coimhéadfuidhe ar a nadhbharsin mo statúidigh, agus mo bhreitheamhnuis: noch má ní duine, mairfidh sé ionnta: misi an tighearna.

6 Ní thiucfa éanduine aguibh a ngar áoin dá mbía a ngáol fhogus dáoibh: chum a ttárnochd dfoillsiughadh: misi an tighearna.

7 Tárrnochd hathar, nó tárrnochd do mhathar, ní léigfe tú leis: is í do mhathair í, ní léigfe tú a tárrnochd leis.

8 Ní léigfe tú tárrnochd mhná hathar leis: is í sin tárrnochd hathar.

9 Tárrnochd do dheirbhshеathrach, inghean hathar, nó inghean do mhathar, más annsa tigh béarthar í, nó a muigh, ní léigfe tusa cheana a ttárrnochd ris.

10 Tárrnochd inghine do mhic, nó inghine hinghine, a ttárnochd sin umurro ní léigfe tú ris, óir is í do thárrnochdsa a ttárrnochdsan.

11 Tárrnochd inghine mhná hathar do gineadh ód athair, (is í do deirbhshiur í) ní léigfe tú leis a tárrnochd.

12 Ní léigfe tú tárrnochd dheirbhsheathrach hathar ris, is í bean fhogus ghaóil hathar í.

13 Ní léigfe tú náire dheirbhsheathrach do mhathair leis; óir is í bean fhogus ghaóil do mhathar í.

14 Ní léigfe tú tárrnochd dhearbhráthar hathar leis, ní racha tú a ngar a mhná: óir is í bean dearbhráthar hathar í.

15 Ní léigfe tú tárrnochd do bhainchleamhna leis, is í bean do mhic í; ní leigfe tú a tárrnochd leis.

16 Ní léigfe tú tárrnochd mhná do dhearbhrathar leis, is í sin tárrnochd do dhearbhrathar.

17 Ni léigfe tú tárrnochd mna agus a hinghine leis, agus ní thiubhra tú inghean a mic, nó inghean a hinghine, chum a ttárnochd dfoilſiuchadh; óir is íad a mná foigſe gáoil ſin íad, is coir é.

18 Ni mó bhéurus tú bean a gcionn a deirbhſheathar, dá buáireadh, chum a tárrnochd dfoilſiughadh, táobh a muigh don mhnáoi eile, ar feadh a beatha.

19 Mar an gcéadna ní racha tú a ngar mhná do choimhríachduin ría, an feadh bhías ar na cur ar leith ar ſon a neamhghloinne.

20 Tuilleamh eile, ní luighfe tú go colluidhe lé mnáoi do chomharſan, dot thruáilleadh féin lé.

21 Agus ní léigfe tú déanduine dot ſhliochd dul thríd (an teinidh) go Mólech, ní mó dhisbeagfas tú ainm do Dhé: miſi an tighearna.

22 Ní luighfe tú le cinéul feardha, mar an gcinéul mbanda: is gráineamhlachd é.

23 Ni mó luighfeas tú le beathadhach ar bith, dot thruáilleadh féin leó: ni mó fhanſas bean ag beathach ar bith do luidhe lé; ís damnadh é.

24 Ná truáillidh ſibh féin a neinní do na neithibhſi, óir is ionta ſo uile do truáilleadh ná dáoine do theilg mé amach romhuibh.

25 Agus ata an talamh truáillidhthe: uime ſin agruimſi a choir féin air, agus atá an talamh féin a ſceith a dhúthchuſuidh dhe.

26 Coimheóltáoi ar a nadhbharſin mo ſhatúidigh, agus mó bhreitheamhnuis, & ní dhéantáoi éinní do na néithibh gráineamhlaſa; ceachtar aca, duine dá bhur ttír féin, nó an coimhidhtheach chomhnuigheas bhur meaſc.

27 (Oir do rinneadar muinntir na tíre an ghráineamhlachdſa uile, noch do bhí romhuibhſi, agus atá an talamh truáillighthe.)

28 Cor nach ſceithfidh an talamh ſibhſi amach mar an gcéadna, a nuair thruaillfidh ſibh é, mar do ſceith na cineadhacha do bhí romhuibh ann.

29 Oir gidh bé ar bith duine dhéanas éainní do nadhúathmhuireachdſo, eadhon na hanmanna féin do ní íad, gearrfuighear amach ó na muinntir íad.

30 Ar a nadhbharſin coimhéadfuidhe morduighefe, cor nach déantáoi éainni do na gnáthuighthibh gráineamhlaſa, do rinneadh romhuibh, agus nach dtruáillthí ſibh féin ionta: miſi an tighearna bhur Ndía.

CAIB. XIX.

Míniughadh na Naitheanta, rō dhiagha.

AGus do labhair an tighearna ré Maóiſe dá rádh.

2 Labhair ré comhchruinniughadh chloinne Iſrael uile, agus abair beithi náomhtha: óir (atáimſe) an ghearna bhur Ndía náomhtha.

3 Biáidh eagla bhur maithreach bhur naithreach aguibh (ar gach áo leith) agus coimhéaduigh mo ſhábó miſi an tighearna bhur Ndía.

4 Ná hionntoighidh lé hiodhaluibh gus ná déanaidh Dée leaghtha dhío miſi an tighearna bhur Ndía.

5 Agus ma thairgthí íodhb dofráil ſhíodha don tighearna Ndía; ofráilfidh í ar bhur féin.

6 Ioſtar í an lá ſin féin fighear í, agus ar na mhárach, gus má mhairionn ſuighioll go an treas lá, loiſcfighear ann nidh é.

7 Agus má hithtear ar ar bith an treas lá é, is gráine uil é; ní ghéubhthar é mar buirt.

8 Ar a nadhbharſin gach duine da níoſuidh é, biaidh a phea dhó, ar a nádhbhar gur thruáillidh ní náomhtha an tighearna; agus fuighear an tanam ſin amach as mhuinntire.

9 Agus a nuair bheanfuidhe mhar bhur bhfearuinn, ní bhean coirnéil bhur machaire go híomlá mó chruinneochus tú dioghluim th mhuir.

10 Agus ní dhioghlumfuidh tú neamhuin, ní mó chruinneochus tú éanchaor dot fhíneamhuin; fuig ag na bochduibh íad, agus ag an mhightheach: miſi an tighearna Ndía.

11 Ní ghadfuidhe; agus ní dh táoi ní neimhfhírinneach, ní mó dhéantáoi bréag ré cheile.

12 Agus ní thiubharthaoi ma ſe a mbréig: ní mó thruáille tú ainm do Dhé: miſi an ti na.

13 Ni mheallfa tú do chom ní mó ſhladfas tú é: ní choinn tú agad tuaraſdal an té fhoi thair, ar feadh na hoidhche maidin.

14 Ni mhailleochuidh tú dhar, agus ní chuirfe tú ce lidh roimhe an ndall, achd eagla do Dhé ort: miſi an tig na.

15 Ní dhéantáoi éacceart a mb eamhnas; ní mheasfuidh tú pear bhoichd, agus ní onórfuigh tú pear chumhachduigh: a bhfireantach dhéana tú breitheamhnus ar do ch arſain.

16 Ní imeochuidh tú ſios ag amhuil ſcéaluighe a measg do dh ní mó ſheasfas tú a naghaidh fhob chomharſann: miſi an tighearna.

17 Ni ſhúathocha tú do dhearbh-
[...]thair ann do chroidhe : achd iomaith-
[...]heora tú ar gach uile chor do chomh-
[...]ſa, agus ní ſhuileongtha tú péacadh
[...] bheith air.
18 Ni dhéana tú dioghaltas, ní bhía
[...]ioſcuis ar bith agad re cloinn do
[...]háoine féin, achd gráidheocha tú do
[...]omharſa mar thú féin : miſi an ti-
[...]hearna.
19 Coimhéadfuidhe mo ſtatúidigh :
[...] léicfidhe dá bhur náirnéis ginea-
[...]huin ré circul éagſamhuil : ní
[...]huirſe tú thfearann lé ſíol cumaiſce :
[...]gus ní mó chuirſeas tú éadach
[...]umaiſce do lion agus doluinn io-
[...]nad.
20 Agus gidh bhé ar bith luidheas
[...]o colluidhe lé mnáoi dháoir, cunnar-
[...]thach ag fear, agus nar fúaſgladh í,
[...] nach bhfuáir ſáoirſe ; ſciúrſ-
[...]fighear í : ni chuirfighear chum
[...] iad, do chionn nach raibh ſiſe
[...]ſáor.
21 Agus do bheura ſeiſion ofráil
[...]ſháruighthe chum an tighearna, go
[...]orus thabearnacuil an chomhchruinnigh-
[...]te, reithe mar ofrail ſháruighte.
22 Agus do dhéana an ſagart
[...]ſith ar a ſhon lé reithe na hofrála
[...]ruighthe a lathair an tighear-
[...]na, ar ſon an phéacaidh do rinne ſé :
[...] maithfighear dhó an péacadh do
[...]rinne ſé.
23 Agus a nuáir thiucfuidhe don tír,
[...] chuirfidhe gach uile ſhórt crann
[...]chum beatha ; annſin measfuidhe a
[...]oradh neimhthimchillgheárrta : trí
[...]bliadhna bhías neimhthimchillgheárrtha
[...]aguibh : ní ioſtáoi dhe.
24 Achd annſa cheathramhadh blí-
[...]adhan biáidh a thoradh uile náomhtha,
[...]do mholadh an tighearna (leó).
25 Agus íoſtáoi an toradh an
[...]ūigeadh bliadhan, chor go ttuga ſé
[...]ſleach dháoibh : miſi an tighearna bhur
[...]Ndía.
26 Ni íoſtáoi (ni ar bith) maille
[...]ris an bhfuil, ní mó ghnaítheochtháoi
[...]geaſadóireachd, ní chuirfidhe beann ar
[...]aimſearuibh (áirighe.)
27 Ni bhearrfuidhe mulluighe bhur
[...]ccinn, agus ní mó mhillfeas tú coirnéul
[...]ſéaſoige,
28 Ni dhéantaoi gearradh ar bith
[...]ion bhur bhfeoil ar ſon na marbh, nó
[...]comhartha ar bith do chlóghughàdh ion-
[...]uibh : miſi an tighearna.
29 Ni ofráilfe tú hinghion, dá
[...]tabhairt uirre bheith na ſtríapuidh,
[...]eagla go ttuitfeadh an dúthaidh a ſtría-
[...]pachas, agus go tiucfadh chum bheith
[...]in duic.
30 Coimhéadfuidhe mó ſhabboidigh, agus
[...]onóirfuidhe mo ſhanctóir : miſi an ti-
[...]hearna.
31 Ná bíodh ſuim aguibh annſa
[...]druing ga mbídh ſpioraid mhuinnteardha,
agus ná hiarruidh luchd fáiſtine da bhar
ndéanámh truáillígh léo : miſi an ti-
ghearna bhur Ndía.
32 Eíreochuidh tú ſúas roimhe
an cceann líath, agus onórfuigh
tú adhuigh an tſeanóra, agus biáidh
eagla agad roimhe Dhía ; miſi an
tighearna.
33 Agus má chomhnuigheann duine
éanuáire, aguibh anſa dúthaidh, ní
ghoirtheochtháoi é.
34 Achd an coimhidhtheach chomh-
nuigheas o bhur bhfochair, biáidh amhuil
duine bhéarthar bhur meaſc, agus grái-
dheocha ſibh é mar ſibh féin ; óir do
bhabhair féin bhur ccoimhighthibh a
gcrích na Hégipte ; miſi an tighearna
bhur Ndía.
35 Ni dhéantaoi éacceart a mbrei-
theamhnus, a ttomhas ſlaite, a gcomh-
throm, nó a mioſúireachd.
36 Scáluidhe comhthroma, comhthruim
chomhthroma, ephah comhthrom, hean
chomhthrom, bhías aguibh : miſi an
tighearná bhur Ndia thug a mach as
crích na Hégipte ſibh.
37 Ar a nadhbharſin coimhdeoch-
tháoi mo ſtatúidigh uile, agus mo bhrei-
theamhnuis uile, agus do dhéantáoi iad :
miſi an tighearna.

CAIB. XX.

Daingniughadh na naitheanta, tré ſmachd fhuágra ar gach aon chor, ar a mbriſtear iad.

AGus do labhair an tighearna re Ma-
oiſe, dha radh.
2 Déara tú a rís re cloinn Iſrael,
giodh bé ar bith do chloinn Iſrael, no
do choimhidhtheachuibh chomhnui-
gheas a Niſrael, bhéurus éainní dá ſhiol do
Mhólech ; go deimhin báiſeochthair é,
clochfuid muinntir na tíre lé clochuibh é.
3 Agus ſuidhéochuidh miſi maghaidh a
naghaidh an duine ſin, agus gearrfad a
mach é as lár a dhaóine, do chionn go
ttug cuid dá ſhíol do Mhólech, do thru-
ailleadh mo ſhanctórá, agus do thar-
cuiſniughadh manma náomhtha.
4 Agus má cheilid daóine ná tíre ar
mhodh ar bith a ſúile ón duine ſin, a
nuáir do bheir dá ſhíol do Mhólech, agus
gan a mharbhadh.
5 Ann ſin ſuidheacha miſi maghaidh
anaghaidh an duine ſin, agus a naghaidh
a mhuinntire, agus gearrfa mé a mach é
as lár a dhaóine, agus an mhéid leanfus
a nſtríapachus é, do dhéanámh ſtríapachuis
le Mólech.
6 Agus an tanam ionntochus leis an
druing ga mbídh leannáin ſighe, agus a
ndiáigh luchd fáiſtine, do dhul do ſtría-
pachus na ndiáigh, cuirfe mé cheana
maghaidh a naghaidh a nanma, agus
géarrfa mé as lár a muinntire iad.

7 Náomhuidh sibh féin ar a nadhbhur
sin: agus bithi náomhtha: óir misi an
tighearna bhur Ndía.
8 Agus cuimhdéochthaoi mo statúi-
digh, agus do dheantaoi íad: misi an
tighearna naomhas sibh.
9 Oír gach uile dhuine mhallui-
gheas á athair, nó a mhathair, báiseoch-
thar é go demhin: do mhalluich sé a-
thair nó a mhathair; (biáidh) a fhuil air
féin.
10 Agus an té dhéanas adhaltrannas
ré mnaoi dhuine eile, do dhéanas adh-
altrannus re mnáoi a chomhársan, cuir-
fighear go demhin an tadhaltrannach
fir agus mná cum báis.
11 Agus an duine luidheas lé mnáoi a
athar, do léig tarrnochd a athar leis,
báiseochthar iad a ráon; biaidh a bhfuil
orra féin.
12 Agus má luighionn duine lé mnàoi
a mhic, cuirfighear íad a ráon go
demhin chum báis; do oibrigheadar
buáidhirt: biáidh a bhfuil orra féin.
13 Má luidheann fear mar an
gcéadna le fear eile, mar luighios lé
mnáoi, do rinneadar a ráon gráineamh-
lachd: báiseochthar go dearbhthá íad;
biáidh a bhfuil orra féin.
14 Agus má bheir fear bean agus
a mathair, is peacadh (gráineamhuil) sin;
loiscfighear a tteinidh íad a ráon, eision
agus íadsan: ionnus nach biáidh peacadh
bhúr measg.
15 Agus má luighionn fear lé bea-
thach, báiseochthar eision go demhin,
agus muirfighear an beathach.
16 Agus má thig bean a ngar beathuigh
agus luidhe fíos dó, muirfe tú an bhean
agus an beathach: cuirfighe go demhin
chum báis íad; biaidh a bhfuil orra féin.
17 Agus má bheir duine a dheirbhshiur,
inghean a athar, nó inghean a mathar,
agus go bhfaicse a tárnochd, agus go
bhfaicse sisi a thárnochdsan; is droch ní
sin; agus gearrfuighear a mach íad a ra-
dharc a muinntire: do léig sé tarnochd
a dheirbhsheathrách leis, iomchóruidh sé
a choir.
18 Agus má luighinn fear lé mnáoi
a mbia a tinneas uirre, agus go léicfidh
a tárrnochd leis; do thaisbean sé a to-
bar, agus do léig sisi tobar a fola leis:
agus gearrfuighear íad aráon a mach ó
bheith a measc a muinntire.
19 Agus ní leigfe tú tárnochd dheir-
bhsheathar do mhathar leis, nó dearbh-
sheathar hathar: óir leigidh a ghaol fogus
leis; iomchóruid síad a ccoir féin.
20 Agus má luighionn fear lé mnáoi
dhearbhrathar a athar, do léig sé
tárrnochd dhearbhrathar athar leis: bi-
áidh a bpeacadh orra, do gheabhaid bás
gan chloinn.
21 Agus má bheir duine bean a dhear-
bhráthar, is ní neamhghlan sin: do léig
sé ris tárrnochd a dhearbhráthar, béid
gan chloinn.
22 Uime sin cuimhdeochtháoi mo
túidih uile, agus mo bhreitheamh
uile, agus déanaidh íad: ionnus nach
thfeadh an fearann iona bhfuilim dá
ttabhairt do chomhnuighe, sibh.
23 Agus ní shiubhioltuighe a mbéa
an chinidh, noch theilgimsi amach r
huibh: óir do rinneádar na neithesi
agus ar a nádhbharsin do fhuaithigh
iad.
24 Achd a dubhairt mé ribhsi, gh
tháoi óighreachd a ndúthuighe, ag
bheára misi dhíbh é, da shealbhugh
fearann líonas do mhil agus do bh
misi an tighearna bhur Ndía, noch
dhealuigh sibh ré daóinibh oile.
25 Ar a nádhbharsin cuirfighe d
bhir idir ainmhidhibh ghlana & ne
ghlana, & edir éanlaith neamhghlan
glan, agus ní dhéantáoi bhur nanm
adhúathmhar lé beathach, nó lé héan
no lé ní ar bith béo shnámhas ar a
lumh, noch do scar misi ribh mar ne
ghloine.
26 Agus beithi náomhtha dh
óir misi an tighearna (a táim) náom
agus do dhealuigh mé sibhsi ó dh
eile, ionnus gó mbeithi agum féin.
27 Mar an gcéadna fear nó be
mbía spiorad tathuighthéach, nó
na fháistineach, cuirfighear do de
chum bais íad; géabhuid do chlo
orra, bíaidh a bhfuil orra féin.

CAIB. XXI.

Abigeasg an deagh-shagairt.

AGus do labhair an tighearna ré
óise, labhair ris na sagartuibh c
Aáron, agus abair ríu: ní bhía
duine ar na thruáilleadh ar son na
a measc an phobail.
2 Achd ar son a gháoil, bhías
dó, ar son a mhathar, agus ar
a athar, agus ar són a mhic, agu
son a inghine, agus ar son a dhear
thar.
3 Agus ar son a dheirbhsheathr
atá na maighdin, a bhfogus dó,
nach raibh fear ar bith a ar a
sin, as éidir leis bheith ar na th
leadh.
4 Ach ní thruaillfidh é féin, ar
na dhaine onórach a measc a dháoi
dhéanamh féin míothaitneamhach.
5 Ní dhéanuid maóile na gceann
ní bhearrfuid táobh a bhféasog, n
dhéanuid gearradh ar bith na bfeoi.
6 Béid síad náomhtha chum a N
agus ní tharcuisneochuid síad ain
Ndée: óir ofrála an tighearna déan
teinidh, agus arán a Ndé ofráluid s
uime sin béid náomhtha.
7 Agus ní thiubhraid bean bhías
striapuidh, nó truaillighthe; ní mo
ruid bean chuirfighear ó na fear:
atá sé náomhtha dá Dhia.

8 Naómhthochúibh tú é ar a nadh-
ar sin, óir ofráluidh sé arán do Dhé,
biaidh sé náomhtha dhuit: óir misi an
tighearna, noch náomhthas tusa, (a
sim) náomhtha.
9 Agus ma thruaillighean inghean
an tsagairt í féin lé striapachus, truaill-
idh sí a hathair: loiscfighear le tei-
nidh í.
10 Agus an té bhias na árdsha-
gart a measc a dhearbhráithreach, air ar
doirteadh a nola ungtha ar a cheann,
agus do coisreagadh do chur na néadúi-
ghe air, ni nochdluidhe a cheann, agus
ní bhrisfidhe a éadach.
11 Ni mó rachus a steach go héan-
chorp marbh, nó shaileochus é féin ar
son athar nó a mhathar.
12 Ni mó rachus a mach as an tsan-
ctóir, nó thruáillfeas sanctóir a Dhe;
óir atá coróin ola náomhtha a Dhé air:
misi an tighearna.
13 Agus do bhéura sé bean iona
maighdionas.
14 Baintreabhach, nó bean dhealuigh-
the, nó bean thruáillighthe, nó méir-
dreach, ni thiubhra sé iad sin: achd do
bhéura sé maighdion da dhaóinibh féin,
na mnáoi.
15 Ni mó thruaillfeas a shiol a measc
a dhaóine: óir misi an tighearna ná-
omhuim é.
16 Agus do labhair an tighearna
re Maóisi, dhá rádh.
17 Labhair re Háaron, ga rádh, gi-
odh bé ar bith bhías dot shliochd iona
ngeineleachuibh, ar a mbia aineamh ar
bith, ná tigeadh a gcomhfhogus dofráil
aráin a Dhé:
18 Oir giodh bé ar bith duine ar a
mbia áineamh, ní thiucfa sé a ngar
dhi: dall, no bacach, no an té gá
mbía srón leachta asteach, no éinni
iomarcach.
19 Nó duine aga mbí a chos briste,
nó a lámh briste.
20 Nó cruitín, nó abhac, nó air a
bhfuil aineamh ar a shúil, nó bhías
clamh nó gearbach, nó an té ga mbris-
fighear a chlocha.
21 Ni thiucfa áonduine do shiol Aá-
ron an sagart, ar a mbía aineamh, a
ngoire díodhbuirt ofrála an tighearna
déanta lé teinidh: atá sé aineamhach,
ni tiucfa sé a bhfogus dofráil aráin a
Dhé.
22 Iósuidh sé arán a Dhé, a ráon don
ro náomhtha, agus náomhtha.
23 A mháin ni rachuidh táobh a steach
do nfolach, nó a bhfogus do naltóir, do
chionn go bhfuil aineamh air, ionnus
nach ttruáillfidh mó shanctóir: óir misi
an tighearna do náomhuidh mé iad.
24 Agus do innis Maóisi sin do
Aaron, agus dá mhacaibh, agus do
chloinn Israel uile.

CAIB. XXII.

Cáil na neitheann sin tobhurthar do Dhia.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóise, dhá rádh.
2 Labhair ré Háaron, agus ré na
mhacaibh, íad féin do sheachna ar
neithibh náomhtha chloinne Israel, agus
gan mainm náomhthasa do thruáilleadh,
ann sna neithibh naómhthochuid dhamh:
misi ann tighearna.
3 Abair riu, giodh bé ar bith dá
bhur síol uile a measc bhur ngeinealach,
rachus chum na neithe náomhtha, noch
náomhuid clann Israel don tighearna,
ar mbeith a neamhghloine air; geárrfui-
ghear an tanum sin a mach as mo radh-
arcsa: is misi an tighearna.
4 Giodh bé ar bith duine do shli-
ochd Aáron bhias na lobhar, nó ar a
mbia créachd shilteach; ní íosfuidh sé
do na neithibh náomhtha nó go raibh sé
glan: agus giodh bé ar bith bheanas
re héinni neamhghlan ó mharbh, nó ó
dhuine a nimthighionn a shiol uadh.
5 Nó giodh bé ar bith bheanas ré hé-
inni snáidhtheach, lé ndéantar neamhghlan
é, nó ré duine ó bhfuigheadh salchar, gi-
odh bé ar bith salchar bhías air.
6 An tanum a bheanas ré heinni
don tsórt sin, biáidh salach go nóin, a-
gus ní íosuidh do na neithibh náomhtha,
achd muna nighfidh a chorp le huisce.
7 Agus a núair rachas an ghrian
faoi, biaidh sé glan, agus íosuidh na
dhiáigh sin do na neithibh náomhtha, do
chionn gur bí sin a bheatha.
8 An ní do gheibh bás uádh féin
nó réubthar lé beathachuibh, ni íosuid,
da salcha féin leis: is misi an tighear-
na.
9 Coimhéudfuid uime sin mordú-
ghadh, deagla go mbíadh na phéacadh
dhóibh, agus go bhfaighdís bás thrid,
dá dtruáilldís é: misi an tighearna ná-
omhas íad.
10 Ni íosuidh éanchoimhidheach don ní
náomhtha: fear éanuáire don tsagart, nó
serbhíseach túarusdail ní íosuidh don ní
náomhtha.
11 Achd má cheannchann an sagart
éanduine lé na chuid airgid, íosuidh sé
dhe; agus an té rugadh iona thigh íosuidh
sé dhá bhiadh.
12 Má phóstar inghion an tsagairt
mar an gcéadna le coimhidheach, ní
fhéadann sí ithe dofráil na neitheann ná-
omhtha.
13 Achd má bhionn inghion an tsa-
gairt na baintreabhuigh nó dealuighe, nó
nach bia clann aice, agus go bhfillfidh sí
go tigh a hathar, do nós a haoise óige,
íosuidh sí do bhiadh a hathar; achd ní
íosfuidh éancoimhidheach dhe.

14 Agus má ithionn duine don ní ná-
omhtha gan fhios dó féin, annſin cuirfidh
an cúigeadh cuid de na chionn, agus do
bhéura don tſagart é, maille ris an ní
náomhtha.
15 Agus ní thruáillfid neithe ná-
omhtha chloinne Iſrael,noch ofráluid don
tighearna.
16 Ní mó fhuileonguidh úalach
a bpeacaidh orra fa ſhárughadh, a nuáir
íoſuid na neithe naomhtha : óir is miſi
an tighearna náomhas íad.
17 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, dá rádh.
18 Labhair ré Haáron, agus ré na
mhacuibh, agus ré cloinn Iſrael uile, a-
gus abair ríu,Giodh bé ar bith é do chloinn
Iſrael, nó do na choimhidhthibh a Niſ-
rael, ofráilfios íodhbuírt ar ſon a mhói-
deann uile, agus ar ſon a ofrálach toi-
leamhla uile, noch ofráilfid don tighear-
na mar ofráil loiſcthe.
19 (Ofráilfidhe) dá bhur ttoil féin
firionnach gan toibhéim, do na buáibh,
nó do na caórchuibh,nó do na gábhruibh.
20 Achd giodh bé ar bith ar a bhfuil
toibhéim ní ofrálfuidhe ſin, óir ní géabh-
thar ar bhur ſon é.
21 Agus giodh bé ar bith ofrálas
ofráil íodhbartha ſhíothchána don tighear-
na, do chomhall a mhóide, nó ofrail
áontadhach do bhuáibh, no do chaor-
chuibh, biaidh iomlan, ré na ghlacadh ;
ní bhía toibhéim ar bith air.
22 Doille, nó briſeadh, nó ciorr-
bhadh, no air a mbía ſineach, nó claimh
nó gearba, ní ofráilidh iadſo don ti-
ghéarna, agus ní dhéantáoi ofráil lé téi-
nidh dhíobh don tighearna ar a naltóir.
23 Achd bulóg, nó úan áir a
mbía iomarcaidh, nó easbhuigh ar a
bhalluibh, féaduigh tú ſin díodhbuírt mar
ofráil thoilteanuigh, achd ní ghéubh-
thar é ar ſon móide,
24 Ní ofrálfuidhe don tighearna an
ni bhías brúite, nó comhrúite, nó
briſte, nó geárrtha ; ní mó dhéana ſibh
ofráil ar bith dhe ion bhur bhfearann.
25 Ní mó ofráilfidhe bíadh bhur
Dé as láimh choimhighthigh déainní
dhíobhſo ; do chionn go bhfuil a mor-
gádh féin ionta, agus go bhfuilid ainmhe
orra ; ní ghéubhthar ar bhur ſon íad.
26 Agus do labhair an tighearna ré
Maóiſe, ghá rádh.
27 A nuáir do bhéurthar bulóg nó
cáora, nó gabhar, ann ſin biáidh ſeachd
lá faói na mathair : agus ó nochdmhadh
lá, agus uadh ſin amach géubhthar é mar
ofráil déanta lé teinidh don tighear-
na.
28 Agus mas do bhoin, nó do chaoi-
righ bhias ſí, ní mhuirfe tú í féin, agus
a hóg a néanló.
29 Agus a nuáir ofráilfidh íodhbuirt
bhuidheachuis don tighearna, ofráilfidh
dá bhur ttoil féin í.
30 Iósfuighear ſúas án lá ſin ſé...
ní fhúigfidhe éinní dhi go maidin; ...
an tighearna.
31 Uime ſin coimhéadfuidhe mai...
anta, agus do dhéantaoi dá réir : miſi...
tighearna.
32 Ní mó thruáillfidhe mainm ...
omhtha, achd biáidh mé ar mo na...
adh a meaſc chloinne Iſráel: miſi a...
ghearna náomhas ſibh.
33 Thug a mach as crích na Hé...
ſibh, dom bheith mar Dhía ag...
miſi an tighearna.

CAIB. XXIII.

Dlighthe na gcruinniughadh, ſna ...
ſta.

AGus do labhair an tighearna re M...
óiſe, dhá radh.
2 Labhair re cloinn Iſrael, ...
abair ríu (a ttáobh) fhéaſtadh...
tighearna, noch fhuáigeorthaoi (...
na ccomhghairm náomtha, is ia...
mféaſtaidhſe.
3 Sé lá do dheantar obair, ach...
é an ſeachdmhadh lá ſáboid an t...
neaſa, comhghairm náomhtha é; ...
dhéantaoi obair ar bith ann, is i ...
an tighearna í ann bhur náitibh.
4 Is íad ſo féaſtaidh an tigh...
comhchruinnighe náomhtha, noch ...
áigeorthaoi iona naimſir féin.
5 Ann ſa cheathramhadh lá ...
annſa chéidmhí tráthnóna, bhías cá...
tighearna.
6 Agus ar an gcúigeadh lá ...
don mhí chéadna, bhías fé...
naráin gan laibhín don tighea...
ſeachd lá íosfuidhe arán gan ...
bhín.
7 An chéad lá biaidh comhg...
naomhtha aguibh ; ní dhéantáoi ...
ſháothrach ar bith ann.
8 Achd ofráilfidhe íodhbuirt d...
le teinidh don tighearna ſ...
lá : annſa ſeáchdmhadh lá ...
an chomhghairm náomhtha, ní ...
antaoi obair ſháothrach ar ...
ann.
9 Agus do labhair an tighea...
Maoiſe, da radh.
10 Labhair ré cloinn Iſrael, a...
bair ríu, a nuáir thiucfuidhe do...
thaigh, a táimſi do thabhairt dh...
agus bheanfuidhe a fhoghmhar,ann ...
bhéurtáoi punnann do chéadthoradh...
bhfógmhair chum an tſagairt.
11 Agus croithfidh an phunn...
bhfiághnuiſe an tighearna, dá g...
air bhur ſon : ar na mhárach déis...
boide chroithfios an ſagart í.
12 Agus ofráilfidhe an lá ſin ...
chroithfidhe an phunnann, úan ...
gan aineamh, don chéidbhliadhuin,
ofráil loiſcthe don tighearna.

13 Agus budh hé a ofráil bhídh sin,
dhá dheich gcuid do phlúr mhín chu-
maisgthe lé hola ; mar ofráil déanta lé
teinidh don tighearna mar bholadh
chumhra : agus a hofráil dighe sin,
dfíon bhias, eadhon an ceathramh-
adh cuid do hin.
14 Agus ní íosthaoi aran, nó
arán bórtha, no diása glasa, go
tí an la céadna á ttugabhair ofráil
chum bhur Ndé : biáidh na statúid
shíorruidh ar feadh bhur ngeinealach,
ionbhur nuile áit chomhnuighe.
15 Agus comhairfidhe dhaóibh ón
lá ar na mhárach dèis na saóire, ón
ló sa dtiubharthaoi libh punnann na
hofrála croithte, seachd sáboidigh
choimhlíonfuighear,
16 Eadhon go nuige ar na mhárach
a ndiáigh an seachdmhadh sá-
boid, áireomhthaoí cáogad lá, agus
ofráilfidhe ofráil núadh bhidh don ti-
ghearna.
17 Do bhéurthaoi a mach as bhur
ttighthibh dhá bhuilín craithte do dhá
dheachmhadh cuid ; do phlúr mhín
bhéid siad, bácalfuighear maille re
laibhin iad, atáid siad na ccéadthoradh
don tighearna.
18 Agus ofráilfidhe leis a narán
seachd nuáin gan aineamh, don chéid-
bhliadhuin, agus bulóg óg, agus dhá
reithe, béid mar ofráil loisgthe don
tighearna maille re na nofráil bhidh agus
le na nofráil dighe, eadhon ofráil deanta
le teinidh, do bholadh chumra don
tighearná.
19 Ann sin do dhéantaoi iodhhuirt
do mheannán dona gabhruibh, ar son of-
rála peacaidh, agus dhá úan don chéaid-
bhliadhuin ar son íodhbartha ofrála sioth-
chána.
20 Agus croithfidh an sagart íad
maille re árán an chéadthoruidh mar
ofráil chroithte a lathair án tighear-
na maille leis an dá úan : béid siad
naomhtha don tighearna chum an
tsagairt.
21 Agus fuáigeorthaoi an lá sin
féin, go mbía na chomhghairm naomh-
tha dhaoibh : ní dheantaoi obair sháo-
thrach ar bith ann : biáidh na statúid
go brádh ann bhur nuile áit ar feadh
bhur ngeinealach.
22 Agus a nuáir bheanfuidhe fogh-
mhar bhur bhfearann, ní dhéantaoi cár-
adh ghlan ar imlibh an mhachaire a
nuáir bheanfuidhe é ; ní mó chruinne-
ochthaoi dioghluim bhur bhfóghmhair :
fágfidhe ag ná bochtuibh íad, agus ag
an ccoimhidheach : is misi an tighear-
na bhur Ndía.
23 Agus do labhair an tighearna re
Maoise, dá radh.
24 Labhair re cloinn Israel, dhá
rádh, annsa seachdmhadh mí, annsa
chéadlá don mhí bhias sáboid aguibh, cui-
mhne shéideadh stoc, comhghairm na-
omhtha.
25 Ní dhéantaoi obair sháothrach ar
bith ann : achd ofráilfidhe ofráil déanta
lé teinidh don tighearna.
26 Agus do labhair an tighearna re
Maóise, dhá rádh.
27 Mar an gcéadna an deachmhadh
lá don tseachdmhadh mí biaidh na lá
siotha , biáidh na chómhghairm ná-
omhtha dhaóibh, agus cráidhfidhe bhur
nanmanna, agus ofráilfidhe ofráil déanta
lé teinidh don tighearna.
28 Agus ní dhéantaoi aóinghné oibre
san ló sin óir is lá siodha é, do dhéa-
namh siotha dhibh a bhfiadhnuise an ti-
ghearna bhur Ndia.
29 Oír giodh bé ar bith anum nach
bia doilghiosach an lá sin féin : géarrfui-
ghear an tanum sin a mach as lár a
mhuinntire.
30 Agus giodh bé ar bith anum do
dhéanas obair ar bith ann sa lá sin féin,
scriosfa misi an tanum sin as lár a
mhuinntire.
31 Ní dhéantaoi énghné oibre : biáidh
sé na statúid go bráth ar feadh bur ngei-
nealach, ionbhur náitibh uile.
32 Biáidh na shabbóid suáimhneasa
dhaóibh, agus cráidhfidhe bhur nan-
manna annsa náomhadh lá don mhí trá-
thnóna : ó thráthnóna go tráthnóna
chuinneochtaoi bhur sabbóid.
33 Agus do labhair an tighearna re
Maóise, dha rádh.
34 Labhair re cloinn Israel, da rádh,
an cúigeadh lá déag don tseachdmhadh
mí bhias féasta na ttabernacuil ar feadh
sheachd lá don tighearna.
35 Ar an gcéud lá biáidh comh-
ghairm náomhtha, ní dhéantaoi éanobair
dháor ann.
36 Seachd lá ofrálfuidhe íodhbuirt
déantá le teinidh don tighearna, ar a
nochdmhadh lá biáidh comhghairm
náomhtha aguibh, agus ofrálfuidhe ofráil
déanta le teinidh don tighearna : is
cruinniughadh sollamanta é , agus ní
dhéantáoi obair ar bith sháothrach ann.
37 Is íad so féastuidh an tighearna
noch fhuáigeortháoi do bheith na
ccomhghairm náomhtha , dofráil ofrála
déanta lé teinidh don tighearna, ofráil
loisgthe agus ofráil bhidh , íodhbuirt
agus ofrála dighe gach éainní an a ló féin.
38 Táobh a muigh do Shabbóidibh an
tighearna, agus táobh a muigh dá bhur
mbrontuibh , agus táobh a muigh dá
bhur móidibh uile, agus táobh a muigh
da bhur nofráluibh ó thoil áontadhuigh,
noch do bhéurtháoi don tighearna.
39 Mar an gcéadna annsa chúigeadh
lá déug don tseachdmhadh mí, a nuáir
chruinneochtháoi a steach sochar na
bhfearann , cuinneochtháoi féasda don
tighearna seachd lá : ar an gcead lá bi-
áidh Sabbóid agus ar a nochdmhadh lá
biáidh Sabbóid.

40 Agus

40 Agus géubhtháoi chugaibh ar an
ccéud lá, cráobha chrann mbreádha, géaga
do chrannuibh pailme, agus beangain do
chrannuibh tiugha, agus soileoga an
tírotha; agus gáirdeochtháoi a bhfíadh-
nuise an tighearna bhur Ndía seachd lá.
41 Agus coimhdeochtháoi féasta
don tighearna seachd lá san mbliaghuin:
(biaidh sé) na statuid go bráth ag bhur
ngeinealach, coimheudfuidhé é annsa
seachdmhadh mí.
42 Fanfuidhe a mbothuibh seachd lá:
an mhéid do rugadh na Nisraelitibh,
coimhneochuid a mbothuibh.
43 Ionnus go mbía a fhios ag bhur
sleachtuibh go ttug misi ar chloinn Israel
áitreabh a mbothuibh a nuáir thug mé as
crích na Hégipte iad; is misi an tighear-
na bhur Ndía.
44 Agus do fhoillsigh Maoise do
chloinn Israel féastuidhe an tighearna.

CAIB. XXIIII.

Dlighthe eugsamhla. 10 eachdardha, 23 agus bás an fhir do mhasluigh agus do mhallu-igh Dia.

AGus do labhair an tighearna ré Ma-
óise, dhá rádh.
2 Fúagair do chloinn Israel ola fhíor-
glan do thabhairt chugad brúite chum
an tsoluis, do thabhairt ar na soillsibh
lasadh a gcomhnuidhe.
3 Táobh a muigh dfolach fhíadhnuise
thabearnacuil an chomhchruinnighthe
oirdeochus Aáron é, ó thráthnóna go
maidin, a bhfíadhnuise an tighearna go
fíorruidhe: (biáidh) na statúid a gcomh-
nuidhe ann bhur sleachduibh.
4 Oirdeochuidh sé na lampuidhe ar
an ccoinnleóir ghlan a bhfíaghnuise an
tighearna go gnáthach.
5 Agus géubha tú plúr mín chu-
gad, agus bruithfe tú dhá bhairghin
déag dhe: dhá dheachmhadh cuid bhias
annsa bhairghin díobh.
6 Agus suidheocha tú a ndá chúrsa
iad, a sé annsa chúrsa dhiobh, ar an
mbórd fhíorghlan a bhfiaghnuise an ti-
ghearna.
7 Agus cuirfe tú túis fhíorghlan ar
gach cúrsa, cor go mbía ar a narán
mar chuimhne, (eadhon) ofráil déanta lé
teinidh don tighearna.
8 Cuirfidh sé a nórd é, gach áon
tsáboid a bhfíaghnuise an tighearna do
shíor, (ar na ghlacadh) ó chloinn Israel
lé cunnradh suthuin.
9 Agus budh lé Háaron, agus
lé na chloinn é, agus íosuid é annsa
náit náomhtha: óir atá sé ró náomh-
tha aige do ráluibh an tighearna
déanta lé teinidh lé statúid shíoth-
bhuáin.
10 Agus do chuáidh mac mná
Israeldha, ag ar Bhégipteach a
athair, a measc chloinne Israel:
do throid an macsa na mná Israeld
agus duine do Israel ré chéile
champa.
11 Agus do mhasluigh mac na
Israeldha ainm an tighearna, agus
mhalluigh é, agus tugadar chum
óise é: agus do bé ainm a mh
Selomit, inghean Dibri, do thr
Dan.
12 Agus do chuireadar a b
sún é: go mbeith fios inntinne an
ghearna aca.
13 Agus do labhair an tighearna
Maóise, dhá rádh.
14 Tabhair amach an té do rinne
mallughadh taobh amach do nsos
phurt, agus leagdáois an mhéid do
laidh é, a lámha ar a chionn, agus
chadh an comhchruinniughadh uile
15 Agus labheóruidh tú ré
Israel, dá rádh, gidh bé ar bith
luigheas a Dhía, fuileonguidh a
cadh.
16 Agus an té scannluigheas
an tighearna cuirfighear go de
chum bais é, agus clochfuid an
chruinniughadh go dearbhtha é:
maith an coimhidheach, agus an té
thar annsa tír, a nuáir mhaisleoch
ainm an tighearna cuirfighear
báis é.
17 Agus an té mharbhus
duine cuirfighear go deimhin
báis é.
18 Agus an té mharbhus beith
do dheana díol ar a shon, eadhon
thach ar bheathaigh.
19 Agus mas ciontach duine
haineamh do bhreith ar a cho
sainn: amhuil do rinne sé, is amh
do dhéantar ris.
20 Briseadh ar son bhriste,
son súile, fíacal ar son fíacaile;
thug sé aineamh do dhuine, ma
dheantar ris a rís.
21 Agus an té mhuirfeas beath
aiseóguidh sé é, agus an té mha
duine cuirfighear chum báis é.
22 Biáidh éanmhodh amháin d
aguibh, chomhmaith ar son coim
thigh, agus ar son an té rugadh
bhur ttír féin; óir is misi an tig
na bhur Ndía.
23 Agus do labhair Maóise
cloinn Israel, an té do rinne an
lughadh, do thabhairt leó amach a
gcampa, agus gabháil do chlochuibh
agus do rinneadar clann Israel m
aithin an tighearna do Mhaóise.

CAIB. XXV.

Dlighthe an Jubile a gceann an tseachd Sabboid do bhliadhnuibh. 1 san bhliadhan.

AGus do labhair an tighearna ré
a sliabh Sínai, gá rádh.

2 L

2 Labhair ré cloinn Israel agus abair
ú a nuáir thiucfuidhe don dúthaidh
o bheirimse dháoibh, annsin cuinn-
chuid an dúthaidh Sábóid don tighearna.
3 Sé bliadhna chuirfeas tú do shíol,
us sé bliadhna leiseóchus tú thf ínéamh-
in, agus chruinneochus tú a steach a
radh.
4 Achd annsa seachdmhadh bliadhan
idh saoire shuáimhneasa don dúthaigh,
ábóid don tighearna: ní chuirse
ú thfearann, agus ní dheiseocha tú
thfineamhuin.
5 An ní fhásas úadh féin dod fhó-
ghmhar, ní bheansa tú é, agus ní mó
chruinneochus tù grápuighe thfineamh-
a gan deasughadh: óir is bliadhuin
shuaimhneasa don dúthaidh í.
6 Agus biáidh Sábóid na dúthaidh
na bhiadh aguibh, dhuit féin, agus
dod sherbhíseach, agus dod chailín,
agus dod óglach túarasdail, agus
don choimhidhtheach chomhnuigheas
ad fhochair;
7 Agus do náirnéis agus don bhea-
thach bhias ann do dúthaigh: biáidh
a mbiseach sin uile mar bhiadh dhuit.
8 Agus áireómhuidh tú seachd Sábói-
digh do bhliadhnuibh dhuit, seachd nu-
áire seachd mbliadhna, agus spás na
seachd Sábóid biáidh dhuitse na gcea-
thrachad águs ná náoi mbliádhnaibh.
9 Annsin cuirse tú fa deara stoc Ju-
bile do shéideadh ar an deachmhadh
lá don tseachdmhadh mí, a ló na sío-
tha cuirfidhe an stoc dhá shéideadh ar
feadh bhur gcríche uile.
10 Agus naomhochuidh tú an cáogad-
mhadh bliadhan, agus fuáigeortháoi
saoirse ar feadh na críche uile, do nuile
áitreabhach innte: biáidh na Jubile a-
gaibh, agus fillse gach áon aguibh dá
sheilbh féin, agus fillfidh gach áonduine
aguibh chum a mhuintire féin.
11 Biáidh an cáogadmhadh bliadhan
sin na Jubile aguibh: ní chuirfidhe a-
gus ní bheanfuidhe an ní fhásas uaithe
féin inte, agus ní chruinneocha inte
tora thfinéamhna gan deasughadh.
12 Oír is é sin an Jubile, biáidh
naomhtha agaibh, jostáoi a bhiseach a-
mach as an machaire.
13 A mbliadhuin an Jubhile so fill-
fidhe gach áonduine aguibh dá sheilbh
féin.
14 Agus má reacann tú éainní red
chomharsuinn, nó má cheannchann tú
éainní as láimh do chomharsann, ní shái-
reochtáoi a chéile.
15 Do réir uibhre na mbliadhan tar
éis an Jubile, ceinneochuidh tú ód chomh-
arsuinn, águs do réir uibhre bhliadhan
na ttórtha, reacfas sé riot.
16 Do réir iomad na mbliadhan,
méideochuidh tú a lúach sin, agus do
réir laighead ná mbliadhan laighdeo-
chuidh tú a lúach: óir is é uibhir na
tórtha reacfus seision riotsa.
17 Ar a nadhbharsin ní chuirfidhe a
chéile síos: achd biaidh eagla do
Dhé ort: óir is misi an tighearna
bhur Ndía.
18 Uime sin do dhéantáoi mo sta-
túidigh, agus coimhéadfuidhe mo
bhreitheamhnus, agus do dhéantáoi íad
agus áiteochtháoi annsa dúthaigh gan
fhaitchios.
19 Agus do bhéura an talamh a
thoradh, agus íostáoise bhur sáith, a-
gus áiteochtháoi ann gan fhaitchios.
20 Agus má déarthaoi, créud íosam
annsa seachdmhadh bliadhan? féuch ní
dhéanam síolchur, agus ní chruinneo-
cham a steach ar mbiseach.
21 Annsin áitheonuidh misi dom bhea-
nnughadh theachd oruibh annsa sei-
seadh bliadhan, agus do bhéura toradh
thri mbliadhan úadh.
22 Agus cuirfidhe (síol) an tochd-
mhadh bliadhan, agus íostaoi fós don
tseantoradh go nuige an náomhadh
bliadhan, nó go tti a tharbha a steach
íostaoi don tseantoradh.
23 Ní reacfuighear an fearann go
síorruidhe; óir is liomsa an fearann; óir
do bhidhbhairse bhur ccoimhighthibh,
agus bhur náos éanuáire am fhochairsi.
24 Agus ar feadh fhearuinn bhur
seilbhe, áontochtháoisi fúasgladh ar a
dúthaidh.
25 Ma bhochduighear do dhearbhra-
thair, agus go reacfuidh dhá sheilbh uadh,
agus go ttiucfadh éanduine dá gháol dá
fhúasgladh, annsin fuáisgeola sé an ni do
reac a dhearbhráthair.
26 Agus muna raibh éanduine ag an
óglach fhúasglas é, agus go mbía féin
cumhachdach ar a fhúasgladh.
27 Annsin áirmheadh sé bliadhna an
reactha, agus aisigeadh an bárr do nóg-
lach, rer reac sé é, cor go ma héidir
leis filleadh iona sheilbh féin.
28 Achd muna mbía cumhachdach ar
aisiog dhó, annsin an ní do reac sé, fui-
reóchtháoi a láimh an tí do cheannuigh
é, nó go tti bliadhuin an Jubile: agus
rachuidh amach ionsa Jubile, agus fill-
fidh seision iona sheilbh.
29 Agus má reacann duine tigh comh-
nuidhe a gcathruigh bhalla, annsin féa-
duigh sé a fhúasgadh a ccionn bhliadh-
na go hiomlán tar éis a reaca: a gcionn
bhliadhna iomláine féaduigh sé a fhú-
asgladh.
30 Agus muna fhúasgaltar é táobh
a stigh do spás bliadhna iomláine, ann-
sin an tigh bhias san cathruigh bhalla
biáidh daingion go bráth ag an té chea-
nnochus é, ar feadh a shleachda: ní
rachuidh amach annsa Jubile.
31 Achd tighthe na mbailteadh nach
bíadh balla na ttimchioll, meassfuighear
íad mar mhachaire ná tíre: is éidir a
bhfúasgladh, agus rachuidh amach ann-
sa Jubilé.
32 Gidheadh caithreacha na Lebhí-

teach, agus tighthe caithreach a seilbhe,
feadfuid na Lebhitigh a bhfúasgladh
gach éanuáir.
33 Agus má cheannchann duine ó na
Lebhitibh, annsin an tigh do reacadh,
agus cathair a sheilbhe rachuid amach a
mbliadhuin an Jubilé: óir is iad tighthe
chaithreach na Lebhiteach a sealbh a
measc chloinne Israel.
34 Achd ní féadthar machaire oth-
chaithreacha a gcaithreach do reic: oir
is i sin a sealbh shiorruidhe.
35 Agus má bochduigheadh do
dhearbhráthair agus go ttuitfidh a na-
innisi agad, annsin tarthochuidh tú é,
fós má bhionn sé na choimhidhtheach
nó na oidhe; ionnus go bhféudfadh sé
marthuin ad fhochair.
36 Ná glacsa úsúireachd nó biseach
ar bith uadh: achd bíodh eagla do
Dhé ort, ionnus go bhféudfadh do dhear-
bhráthair marthuin ad fochair.
37 Ní thiubhra tú thairgead dhó ar
úsúireachd, agus ní áirlicfe tú dó bhiadh
dhó ar bhiseach.
38 Is misi an tighearna bhur Ndia,
thug amach as crich na Hegipte sibh
do thabhairt tire Chánaain dhaoibh, a-
gus dom bheith am Dhia aguibh.
39 Agus má tháinic do dhearbhrá-
thair bhias láimh riot chum bochduine,
agus go reacfuighear riot é, ní chuirfe
tú dfíachaibh air foghnamh dhuit
amhuil dhuine dháor.
40 Achd amhuil sherbhiseach tuarus-
dail, agus mar oighidh bhias agad, a-
gus foigheonuidh dhuit go bliadhuin
an Jubilé.
41 Agus annsin imeochuidh uait, a-
ráon é féin, agus a chlann maille ris,
agus fillfidh ar a mhuinntir féin, agus
fillfidh seision go seilbh a aithreadh.
42 Oir is íad mo sherbhisighsi iad,
noch thug mé amach as crich na Hé-
gipte: ní reacfuighear mar dhaoinibh
daora iad,
43 Ní ríaghlocha tú ós a gcionn
le dibhfeirg, achd biáidh eagla do
Dhé ort.
44 A ráon do dhaoirsineach fear, agus
do dhaoirsineach ban, noch bhias agad,
béid do na geintibh atá ar gach taobh
dhiot: is díobh sin cheinneochus tú
fir dháora agus mna daora.
45 Os a chionn sin, do chloinn na
gcoimhidhtheach bhías eanuáire bhur
measc, uatha sin cheinneochaoi, agus ó
na dteaghlach bhías mar áon ribh, noch
rugadh ann bhur ttir: agus béid na
seilbh aguibh.
46 Agus glacfuidhe chugaibh iad,
mar oighreachd da bhur gcloinn bhur
ndiaigh, dá sealbhughadh mar oighreachd,
beid na ndáoirsineachuibh aguibh go
bráth: achd os cionn bhur ndearbhrai-
threach, clann Israel, ní dhéantaoi uachd-
aránachd ar a chéile go dibhfheirgeach.
47 Agus má shaibhinn oidhe nó
coimhidheach saidhbhir láimh riot,
do dhearbhrathair chomhnuigheas láimh
ris dfás bochd, agus go reacfuidh é
ré hoidhe, nó re coimhidheach láimh
ot, nó re bunadh mhuinntire an choimhidhigh.
48 Tar éis a reaca as éidir a fhuas-
gladh a ris; féudfuidh duine dá dhear-
bhráithribh a fhúasgladh.
49 Féaduigh dearbhráthair a athar
nó mac a dhearbhráthar a fhuasgladh,
nó gach áonduine dá bhfuil fogus
ngáol dó dá chineadh, is éidir dó
fhúasgladh, nó ma thig sé dhe,
féuduigh é féin dfúasgladh.
50 Agus do dheana cuntas ris an
do cheannuigh é, on bhliadhuin a
cadh ris é, go bliadhuin an Jubilé,
gus biáidh lúach a reaca do réir
ná mbliadhan, dó réir aimsire ógla
túarusdail bhias sé aige.
51 Má bhionn morán bliadhan
gcúl fós, do bhéura dhó dá réir
lúach a fhúascuilte, as a nairgead
ar ceannchadh é.
52 Agus muna raibh achd
bliadhan go bliadhuin an Jubile,
do dhéana cuntás ris, agus do réir
bhliadhan do bhéura dhó a ris
fhúascailte.
53 Agus biáidh sé aige do
luidh túarasduil bliadhnamhuil,
bhia riaghladh dibhfeirgeach a
bhfear eile) ós a chionn ánn do radh
54 Agus muna bhfúascaltar
bliadhnuibhsi é, annsin rachuidh
a mbliadhuin an Jubilé, é féin
chlann leis.
55 Oir is agamsa atáid
Israel na serbhíseachuibh, is iad
sherbhisigh iad, noch thug mé
ás crich na Hégipte: misi an tighearna
bhur Ndia.

CAIB. XXVI.

Séula agus combdhéanagh an lagh. 3 [...] oibh beannachd ina coimhead. 14 [...] mallachd do luchd a dísbeagadh.

NI dhéantaoi dháoibh féin iodhal
ar bith, nó iomháigh ghrábhal-
ta, ní mó chuirfeas sibh súas iomháigh
sheasmhach, ní mó chuirfidhe éniomháigh
chloiche súas ionbhur bfearann, do
madh sios di: oir misi an tighearna
bhur Ndia.
2 Coinneochuidhe mo Shábóid
ónóruidhe mó shanctóra: misi an
ghearna.
3 Má shiubhluighthi ann mo
dibh agus maitheanta do choimhead
gus a ndéanamh.
4 Annsin do bhéura mé fearthainn
dhibh na ham féin, agus do bhéara an
talamh a bhiseach, agus do bhéara
croinn an mhachaire a ttoradh.

5 Agus béaruidh bhur mbúaladh go
an faiſce ná ngrápuigheadh, agus
bearuidh fáſcadh na ngrapuigheadh gus
an ſíolchur: agus joſtaoi bhur naran
go nadh lán, agus áiteochtháoi íonbhur
ndúthaigh go daingean.
6 Agus do bhéura miſi ſíothcháin
innſa tír, agus luidhfighe ſíos, agus
ní chuirſe éanduine eagla oruibh, agus
coimfidh mé droichbheathaígh don dú-
thaigh, ní mó rachas an cloidheamh
tré bhur bhfearann.
7 Agus leanſuidhe bhur naimhde, a-
gus tuitfid romhuibh ris an ccloi-
dheámh.
8 Agus brisfidh cuigear aguibhſi ar
chéad, águs cuirſe céad dhíbhſi míle
chum teithmhe, agus tuitfid bhur námh-
uid romhaibh leis an gcloidheamh.
9 Oír biáidh meas agum oruibh, a-
gus do dhéana mé ſíolmhar ſibh, agus
méideocha mé ſibh, agus daingneochaidh
mé mo chunnradh ribh.
10 Agus íoſtáoi an ſean lónn, agus
do bheurtháoi an ſean amach, do
bhrígh an lóinn nuadh.
11 Agus íuidheocha mé mo tha-
bearnacuil bhur meaſc, agus ní bhía
gráin ag manam oruibh.
12 Agus ſiubholuidh me bhur meaſc,
agus bía mé am Dhía aguibh, agus
beithiſe bhar bpobal agamſa.
13 Is miſi an tighearna bhur Ndía,
noch tug amach ſibh as crích na Hé-
gipte, chor nach biáidh ſibh bhur ndao-
rſineachuibh aca, agus do bhris
mé cuibhrighe bhur gcuinge, agus thug
mé oruibh imtheachd go díreach.
14 Gidheadh muna éiſti rium, agus
nach déantáoi na haitheanta ſo uile.
15 Agus má tharcuiſnighthi mo ſta-
túidigh, nó má bhíonn gráin ag bhur
nanam roimh mo bhreitheamhnus,
ionnus nach ccoimhlíonſáoi maitheanta
uile, achd go mbriſſidhe mo chunnradh.
16 Do dhéana miſi mar an gceadna
ſo ribhſe, cuirſe mé critheagla oruibh,
eitnaoi agus fiabhrus tinntighe, noch
chnóidhſeas na ſúile, agus do bhéura
doilghios croidhe: agus cuirfidhe bhur
ſíol go díomháoin, óir is íad bhur
námhuid íoſas é,
17 Agus cuirſe miſi maghuidh bhur
naghuidh, agus muirfighear roimhe bhur
námhaid ſibh: an drong air ar beag
ſibh, is íad ríghfios os bhur gcionn, a-
gus teithfidhe a nuáir nach bía éan-
duine dá bhur ttóruigheachd.
18 Agús muna néiſtighe riom fós
ar a ſhon ſo uile, annſin pianſa mé
ſibh ſeachd nuáire eile ar ſon bhur
bpeacaidh.
19 Agus réubtha mé néart bhur
nuabhair, agus do dhéana mé
bhur neamh amhail íarann, agus
bhur ttalamh amhail phrás.
20 Agus caithfidhe bhur neart go
díomháoin, oir ní thiubhra bhur bhfea-
rann a ſhochar, ní mó do bhéaruid
na croinn á ttoradh.
21 Agus má ſhiubhluighthí con-
trárdha dhamhſa, agus nách éiſdfidhe
rium, do bhéura mé ſeachd nuáire eile
tuilleamh plaighe oruibhſi, do réir bhur
bpeacadh.
22 Cuirſe me mar an gcéadna béa-
thadhuigh allta bhur meaſc, noch ſhla-
dſas ſibh ſá bhur gcloinn, agus mhuirfeas
bhur náirnéis, agus do dhéanas tearc a
nuibhir ſibh, agus béid bhur ſlighthe
(móra) na bhfáſach.
23 Agus muna ttigthí ar bhur nais
leis na neithibhſi, achd go ſiubholſaoi
contrárdha dhamhſa.
24 Annſin ſiubholuidh miſi mar an
gceadna contrárdha dháoibhſi, agus
ſmachdeocha mé fós ſeachd nuaire eile
ſibh, ar ſon bhur bpeacadh,
25 Agus do bhéura mé cloidhiomh
oruibh dhigheólus cúis mo chunnar-
tha; agus a nuáir chruinneochtháoi a
bhfochair á chéile a ſtigh ionar gcai-
threachaibh, cuirſe me an phláigh bhur
meaſc, águs ſeachódthar a láimh na
námhad ſibh.
26 Agus a nuáir bhriſſeas mé bata
bhur naráin, bruithfidh deichneamhar
ban bhur narán a néanbhácus amháin, a-
gus do bhéaruid bhur narán díbhſi ar
na thomhas, agus íoſtáoi é, agus ní
bheithí ſáthach.
27 Agus muna éiſtí riomſa ar a
ſhon ſo uile, achd ſiubhal contrárdha
dhamh,
28 Annſin ſiubhóluigh miſi ionbhur
naghuidhſi a bhfeirg mhóir, agas miſi
féin ſmaichdeochus ſibh ſeachd nuáire
ar ſon bhur bpeacaidh.
29 Agus íoſtáoi féoil bhur mac, agus
feóil bhur ninghion íoſtáoi.
30 Agus ſcrioſſa miſi bhur náite
árda, agus gearrſa mé ſíos bhur ní-
omhaighe, agus teilgſe mé bhur gco-
nablach ar chonablachuibh bhur nio-
dhal, agus ſuaitheochuidh manam ſibh.
31 Agus do dhéana mé bhur gcaith-
reacha na bhfáſach, agus do bhéura
mé bhur ſanctóra chum uáignis, agus ní
bhoiltneocha me boladh bhur mboltan-
uis ndeaghbholuidh:
32 Agus do bhéura mé an tír chum
uáignis, agus bhur náimhde áiteochus
innte, biáidh úamhán orra ſan ní
ſin.
33 Agus ſcainnreocha mé ſibh a
meaſc na ngenteadh, agus tairreonga
mé cloidheamh amach bhur ndiáigh, a-
gus biáidh bhur ndúthaigh uáigneach,
agus bhur gcaithreacha na bhfáſach.
34 Annſin choinneochus an talamh a
Sabbóidigh, an fad bhias ſé folamh, agus
beithiſe a ttír bhur námhad, is ánnſin
ſhuáimhneochus an talamh, agus buáidh-
eochtháoi a Sabbóidigh.
35 An feadh bhias ſé gan áitreabh
biáidh ſuáimhneach, do chionn nar ſhuái-
mhnigh

mhnigh ſé ionbhur ſáboidibhſi an feadh
do chòmhnuigheabhair féin ann.
36 Agus cuirfe mé loige a gcroidh-
thibh an mhéid fhúicfighear beó a-
guibh a ccríochuibh a námhad, agus cuirſe
torann an duilleabhair a tteitheamh
iad, agus teithfid mar do theithfidis
roimhe chloidheamh, agus tuitfid a nu-
áir nach bía éanduine dhá leanmhuin.
37 Agus tuitfid ar muin a cheile
amhuil do dhéandáois roimhe chloidhi-
omh, a nuáir nach biáidh éanduine na
ndiáigh; agus ní bhía cumas aguibh a
lathair bhur námhad.
38 Agus tuitfidhe a meaſc na ngenn-
teadh, agus íoſuidh talamh bhur ná-
mhad ſúas ſibh.
39 Agus an mhéid mhairſeas dhíbh
ſeargfuid ann a nolc, a ttír a námhad;
agus mar an gcéadna a ccoirthibh a
naithreadh ſeargfuid malle riú.
40 Má admhuid ſíad a neagceart,
agus éacceart a naithreadh maille ré na
ſarughadh léur ſháruigheadar a magh-
aidhiſi, agus mar an gcéadna gur ſhiubh-
luigheadar contrárdha dhamh:
41 Agus gur ſhiubhuil miſi contrár-
dha dhóibhſion, águs go ttug mé a ttír
a námhad iad; annſin má bhíd a
gcroidhthe neamhthimchillghéarrtha, u-
mhall; agus go nglacfuid pionús a nuilc.
42 Ann ſin cuimhneocha miſi mo
chunnradh ré Jácob, agus mar an gcéad-
na mo chunradh ré Hiſaac, agus cuimh-
neochá mé mar an ccéadna mo chun-
radh ré Habraham, agus cuimhneocha
mé an dúthaigh.
43 Thairis ſin fúicfid ſiad an tír, a-
gus géubhuidh ſí a ſáboidigh an feadh
bhías uáigneach gan íadſan inte, agus
géubhuid ſiad pionús a néigceirt, do
chionn gur tharcuiſnigheadar mo bhrei-
theamhnuis, agus do chiónn gur ſhúa-
thaigh a nanam mo ſtatúidigh.
44 Gidheadh fós ar a ſhon ſin, a nu-
áir bhéid ſiad a ttír a námhad ní
theilgfe mé ſeachad iad, agus ní mó
fhuathochus mé iad, dá ſcrios thríd a-
mach uile, agus do bhriſeadh mo chunn-
artha ríu, oir is miſi an tighearna a
Ndia.
45 Achd cuimhneocha mé ar a ſon-
ſan cunradh a ſinnſear, noch thug mé
a mach as crích na Hégipte a radharc
na ngenteadh, Ionnus go mbeínn am
Dhia aca; is miſi an tighearna.
46 Is iad ſo na ſtatúide agus na
breitheamhnuis, águs na dlighthe, noch
do rinne an tighearna, ider é féin, a-
gus clann Iſrael a ſliabh Sinái lé láimh
Mhaóiſe.

CAIB. XXVII.

*Dlighe na Móide. 32 ní bfeidir an deach-
mhadh do mhalartughadh.*

AGus do labhair an tighearna ré
Maóiſe, dhá rádh,
2 Labhair ré cloinn Iſraél, a
bair ríu, a nuáir do bhéura d
mhóid ſhingil, budh leis an tig
an duine reir do mheaſſaſa.
3 Agus búdh é ſo do mheas
nfiór o fhichid blíadhan daói
nuige ſeaſcad, budh é do mheas
gad ſecel airgid, do réir ſhec
ſanctóra.
4 Agus más bean í, ann ſin budh
mheas tríochad ſecel.
5 Agus más ó chúig bhlíadh
daóis bhías go nuige fithche bl
an ſin budh é do mheás do nfio
che ſecel, agus don mhnaoi deic
cél.
6 Agus más ó mhí daóis bh
nuige cúig bhlíadhna daóis, a
budh é do mheas don fhior c
sel dairgead, agus don mhná
ſecel.
7 Agus más ó thrí fichid bl
daóis bhías, agus ós a chionn: ma
é, annſin budh é do mheas cúig
déug, águs don mhnáoi deich ſec
8 Achd más boichte é nó do
ann ſin foillſeochuidh é féin a
an tſagairt, agus meaſſuidh an
é: do réir chumuis fhir na
mheasfas an ſagart é.
9 Agus más beathach dá
na dáoine ofráil a lathair an tigh
gach uile ní do bhéir duine d
ghearna dón tſórt ſin, biáidh
tha.
10 Ní áthróchuidh tú é, a
mhalairtſe tú é, ní maith air
ní, nó droch ní ar ní maith: m
airteann tú ar áon chor beatha
bheathach, ann ſin biáidh ſéin a
mhalairt náomhtha.
11 Agus más beathach neamh
e, dá nach déanuid íodhbuirt ofrál
tighearna, ann ſin taiſbéanfuidh
beathách a láthair an tſagairt.
12 Agus meaſſuidh an ſagart
maith nó an ſaith é; mar mheas
bhías ad ſhagart é, is mar ſin
ſé.
13 Achd má fhúaſclann ar éan
ann ſin cuirfidh an cúigeadh c
ccionn do mheaſtaſa.
14 Agus a nuáir naómhthochu
a thigh, da bheith náomhtha don
earna, ann ſin measfuidh an ſagart
maith nó an ſaith é: mar mhea
ſagart, is mar ſin bhías ſeaſmhach
15 Agus má fhúasglann an
naomhaidh a thigh, é, ann ſin c
an cúigeadh cuid dairgead an m
na chionn, agus biáidh aige.
16 Agus má náomhann duine
ghearna cuid éigin do mhachaire a
bhe, annſin biáidh do mheas do
ſhil ſin, meaſſuidhear cáogad ſec
gid do hómer ſil eórna.
17 Má náomhann a mhach
bhliadhuin an jubilé, ſeaſſuidh d
do mheaſtaſa.

18 Achd más tar éis na Jubilé ná-
...chochas sé a fhearann, annsin comh-
...fidh an sagart an tairgead chuige, do
...ír bhliadhan a nfuighill go bliadhuin
...Jubile, agus léigfighear sin sios dod
...eas.
19 Agus má fhúasglann an té dó
...mhuidh a fhearann ar éanchor é, ann-
...a cuirfidh ná chionn an cúigeadh cuid
...ír mheassa, agus daingneochar dhó é.
20 Agus muna bhfúascla se an
fearann, nó má reac se an fearann ré
duine eile, ní fhuaisceoltar nís mó é.
21 Achd an fearann a nuáir rachus
...ach annsa Jubilé, biáidh náómhtha don
tighearna, mar fhearann tabharthuis bi-
...a shealbh ag an tsagart.
22 Agus má náomhann duine don ti-
ghearna, fearann do cheannuigh sé, nach
do ...chairighibh a sheilbhe.
23 Annsin comháirfidh an sagart lú-
...ach dhó, mar measfas tusa, go nuige
bliadhuin an Jubilé; agus do bhéura do
...meassa íadh an lá sin, mar ní náomh-
tha don tighearna.
24 A mbliadhuin an Jubilé, fillfidh an fea-
...rann chum an té ór ceanchadh é, eadhon
chum an té lér leis sealbh a nfearuinn.
25 Agus biáidh do mheassa uile do
réir secel na sanctóra, fithche gerah
bhías annsa tsecel.
26 Amháin primidíl na mbeathach,
...ch cóir do bheith na phrimidil ag an
tighearna, ní naómhthochuídh éanduine
é, más damh, nó cáora é, Is leis an
tighearna é.

27 Agus más beathach neamhghlan é
annsin fuáisceoluidh sé é, do réir do
mheastasa, agus cuirfidh an cúigeadh cuid
de na cheann, agus muna bhfúascaltar é,
annsin reacfuighear é, do réir do mhea-
stasa.
28 Gidheadh bronnta bhronnsas duine
don tighearna do nuile ní dá mbía aige,
do dhuine, nó do bheathach, agus dá
fhearann sheilbhe, ní reacfuighear agus ní
fhuáisceoltar é: atá gách uile ní bronntar
do Dhía rónáomhtha ag an tighear-
na.
29 Einní bhronntar, noch bhronntar ó
dháoinibh, ní fhuáisceoltar é, achd cuir-
fighear sin chum báis go deimhin.
30 Agus is leis an ttighearna uile
dheachmhadh a nfearuinn, más do shíol
an fhearuinn, nó do thoradh an chroinn,
ceachtar dhíobh; atá náomhtha don
ttighearna.
31 Agus má fhuasglann neach ar éan-
chor éinní dá dheachmhuidh, cuirfidh an
cúigeadh cuid de na chionn.
32 Agus a ttáobh áirghe nó tréada
fá na ndeachmhuidh, gidh bé ní imthi-
gheas fán tslait, biáidh a dheachmhadh
náomhtha ag an tighearna.
33 Ní spíonfa an maith nó an olc é,
ní mó mhalairtfeas é, agus má mhalair-
teann ar eanchor é, annsin biáidh féin a-
gus an malartach náomhtha; ní fhuáis-
ceoltar é.
34 Is íad so na haitheanta do aithin
an tighearna do Mhaóise chum cloinne
Israel a sliabh Sínai.

AN CEATHRAMHADH LEABHAR DO MHAOISE,

DA NGOIRTHEAR UIBHREACHA.

CAIB. I.

Comháireamh na nslóigh do thainic as Egipt .i. 603550 taobh amuich do threibh Lebbi, noch nar bu cóir an uibhir do ghlacadh, maille re cách.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóise a bhfásach Sínái, a tta-
bernacuil án chomhchruinnighthe, an
chéad lá don dara mí, an dara blía-
dhan tar éis a tteachd amach as crích
na Hégipte, dá rádh.
2 Glacuidh suim chomhchruinnigh-
the chloinne Israel uile, dó réir a muinn-
tearadh, do réir thigheadh a naith-
readh maille ré uibhir a nanmann,
gach uile fheardha do reir a cceann.
3 O chionn fhichid bliadhan dáois &
a chionn, an mhéid atá iondula amach
do dhéanamh cogaidh a Nisrael, áireomh-
uidh tusa agus Aaron íad dó réir a sluáigh.
4 Agus biodh ad fhochairsi duine dá
gach éaintreibh: gach éancheann tighe
...r lorg a naithreadh.
5 Agus a siadso anmanna na ndáoine

sheasfas ad fhochuirse: do threibh
Réuben, Elisur mhac Sedeur.
6 Do threibh Simeóin: Selumíel mac
Surishaddai.
7 Do threibh Judah: Nason mac
Amminadab.
8 Do threibh Isachar: Netaneel mac
Suar.
9 Do threibh Sebulun: Eliab mac
Helon.
10 Do chloinn Joseph: ó Ephraim
Elisama mac Amihud: ó Mhanasseh
Gamaliel mac Pedasur.
11 Do threibh Beniamin: Abidan
mac Gideoni.
12 Do threibh Dan: Ahieser mac
Ammishaddai.
13 Do threibh Aser: Pagiel mac
Ocran.
14 Do threibh Gad: Eliásaph mac
Deuel.
15 Dó threibh Naphtali: Ahira
mac Enan.
16 Ba híadso dob óirdhearca
don

don chomhchruinniughadh, prionnsuidh do threabha a naithreadh, cinn mhílte a Nisráel.

17 Agus do ghabh Maóise agus Aáron na dáoinesi chuca, noch atá ar na bhfoillsiughadh ré na nanmannuibh.

18 Agus do chruinnigheadar an coimhthionól uile á bhfochair a chéile an chéud lá don dara mí, agus do fhoillsigheadar a ngeinealach do réir a muinntire, lé tighthibh a naithreadh, do réir uibhre a nanmann ó fhichid bliadhan dáois agus ós a chionn, do réir a cceann.

19 Fá mar do aithin an tighearna do Mhaóise, is mar sin do áir sé iad a bhfásach Sinái.

20 Agus clann Reuben, an mac sá sine ag Israel, lé na ngeinealach do réir a muinntire, do réir thighe a naithreadh, do réir uibhre a nanmann, do réir a cceann, gach firionnach ó fhichid bliadhan dáois, agus ós a chionn, an mhéid do bhí iondula amach chum coguidh.

21 An mhéid do háirmheadh dhíobh, eádhon do threibh Reuben (do bhádar) sé mhíle, agus dá fhichid míle, agus cúig chéud.

22 Do chlannuibh Siméon maille ré na ngeinealach, do reir a muinntire as tigh a naithreadh, an mhuinntir do háirmheadh dhíobh, do réir uibhre a nanmann, do réir a gceann, gach firionnach ó fhichid bliadhan dáois agus ós a chionn, an mhéid do bhí iondul amach chum coguidh.

23 An mheid so do háirmheadh dhíobh, eadhon do threibh Shímeon, do budh caogad agus naoi míle, agus tri chéad iad.

24 Do chlannuibh Gad do réir a ngineálach do réir a muinnteara, as tigh a naithreadh, do réir uibhre a nanmann ó fhichid bliadhan daóis agus os a chionn, an mhéid do bhí iondul amach a gcogadh.

25 An mhéid so do háirmheadh dhíobh, i. do threibh Gad do bhádar na ccúig agus ceathrachad míle, se chéud agus caogad.

26 Do chlannuibh Júdah do réir a ngineálach do réir a muinnteara, as tigh a naithreadh, do réir áireamh a nanmann, ó fhichid bliadhan daois agus ós a chionn, an mhéid do bhí iondul chum cogaidh.

27 An méid do hairmheadh dhíobh, *i.* do threibh Júdah, do bhádar ceithre mhíle dhéug, agus tri fichid, agus sé chéud.

28 Do chlannuibh Issachar do réir a ngineálach do réir a muinntear as tigh a naithreadh, do réir uibhre na nanmann, ó fhichid bliadhan dáois agus ós a chionn, an mhéid do bhí iondul chum cogaidh.

29 An mheid do hairmheadh dhíobh, eadhon do threibh Issachar, do bhádar caogad, agus ceithre mhíle, agus ceithre chéud.

30 Do chlannuibh Sebulun gun a nealach do réir a muintear as t naithreadh, do réir uibhre a nanmann fhichid bliadhan daois agus ós a chi an mhéid do bhí iondul a mach chath.

31 An mhéid do háirmheadh dhí eadhon do threibh Sebulun do bh caogad, agus seachd míle, agus cei chéud.

32 Do chloinn Jóseph (eadhon) chloinn Ephraim guna ngineálach réir a muinntear as tigh a naithre do reir uibhre a nanmann ó aois fhich bliadhan, agus ós a chionn, an mh do bhí iondul amach chum cogaidh.

33 An mhéid do háirmheadh dhí eadhon do threibh Ephraim, do bh dhá fichid míle agus cúig chéud.

34 Do chloinn Mhanasseh do réir a n nealach, do réir a muinntear as tig naithreadh, do réir uibhre a nanma aois fhichid bliadhan agus ós a chion mhéid dá ttáinig dul amach chum gaidh.

35 An mhéid so do háirmheadh d obh, eadhon do threibh Mhanasse bhádar dhá mhíle agus tríochad, dá chéud.

36 Do chloinn Bheniamin do réir ngineálach as tigh a naithreadh, reir uibhre a nanmann ó fhichid bliadh daois agus ós a chionn, an mhéid bhí iondul amach chum cogaidh.

37 An mhéid do háirmheadh dhío eadhon do threibh Bheniamin, do dar cúig mhíle, agus tríochad, agus thre chéud.

38 Do chloinn Dan do réir a nealach, do réir a muinntear as t a naithreadh, do réir uibhre a mann, ó aois fhichid bliadhan ag a chionn, an mhéid do bhí io amach chum cogaidh.

39 An mhéid do háirmheadh dhí i. do threibh Dan, do bhádar dha m thar trí fichid, agus seachd gcéad,

40 Do chloinn Aser do reir a nealach, do réir a muinntear as t a naithreadh, do réir uibhre a nanm ó aois fhichid bliadhan, agus ós a c onn, an mhéid da dtáinic dul amach ccogadh.

41 An mhéid do háirmheadh dhí obh, eadhon do threibh Aser, do b dar aon agus dá fhichid míle, a cúig cheud.

42 Do chloinn *Naphtali, ar fe a ngineálach do réir a muin as tigh a naithreadh do réir uibh nanmann ó aois fhichid bliadhan ós a chionn, an mhéid do bhí io amach chum cogaidh.

43 An mhéid do háirmheadh obh, eadhon do threibh Naphtali, bhádar trí mhíle agus caogad, ceithre chéud.

44 Ag so iad sin do háirm

...h, noch do áir Maóiſe, agus Aá-
...on agus prionnſuighe Iſrael, ar
...bhéith dhóibh na ndá fhear dhéag: do
bhí gach éinneach dhiobh ar ſon tighe
...aithreadh féin.
45 Mar ſin do bhádar uile an mhéid
do háirmheadh do chlannuibh Iſrael do
réir tighe a naithreadh ó aois fhichid bli-
adhan agus ós a chionn, an mhéid do bhí
ondul amach do chum cogaidh an Iſ-
rael.
46 An mhéid umurro do háirmheadh
uile, do bhádar ſé chéud mile, agus trí
mhile, agus cúig chéud, agus caogad,
47 Achd nior háirmheadh na Lebhi-
tigh do réir treibhe a naithreadh, iona
meaſc.
48 Oir do labhair an tighearna re
Maóiſe, dha rádh.
49 A mháin ni chomháirfe tú treabh
Lebhi, agus ná glac a nuibhir a meaſc
chloinne Iſrael.
50 Achd oirdéocha tú na Lebhitigh
ós cionn thabearnacuil na fiaghnuiſi, agus
ós cionn a ſhoitheach uile, agus ós cionn
gach éinneithe da mbeanann ris: iomchó-
ruid ſiad an tabernacuil agus a uile ſhoi-
theach, agus do dhéanuid friothólamh
dhó, agus do dhéanuid foſlungfort fa
gcúairt timchioll an tabearnacuil.
51 Agus a nuáir ghluaisfios an ta-
bernacuil ar aghaidh, a ſiad na Lebhí-
tigh leacfas a nuas é, agus a nuair bhias
an tabearnacuil da chur na ſheaſamh, is
iad na Lebhítigh chuirſeas ſuas é: agus
an coimhidheach thiucfas na chomh-
ghar cuirfighear chum báis é.
52 Agus ſuidheochuid clann Iſrael
a lóiſtinighe gach éanduine aca a bhfo-
chair a ſhoſlungphuirt féin, agus gach
éanduine láimh ré na bhratuigh féin ar
fad a ſlúagh.
53 Achd ſuidheochuid na Lebhítigh a
ſcálain fa gcuairt timchioll thabernacuil
na fiadhnuiſe, chor nach bia dibhfhearg
ar bith ar chomhchruinniughadh chlo-
inne Iſrael: agus is iad na Lebhitigh bhias
a gcúram coimhéada thabernacuil na
fiadhnuiſe.
54 Agus do rinneadar clann Iſrael
do réir a nuile neithe do ráidh an ti-
ghearna ré Maóiſe, is mar ſin do rin-
neadar ſan.

C A I B. II.

*Eachd ſuighiughadh na nTreabhba a mfoſlung-
phort.*

AGus do labhair an tighearna ré Maoi-
ſe, agus re Haáron, da rádh.
2 Suigheochuidh gach uile dhuine
do chloinn Iſrael láimh re ná bhra-
tuigh féin maille ré bratuigh thigheadh
a naithreadh: a bhfad a mach tim-
chioll fa gcúairt thabernacuil an chomh-
chruinnighthe ſhuidheochuid ſiad.
3 Agus don taobh ſhoir leath ré héir-
ghe na gréine ſuidheochuid luchd brat-
uidhe ſhoſlungphuirt Júdah ar feadh a
ſluáigh, agus Naſon mac Aminadab
bhias na chaiptin ar cloinn Júdah.
4 Agus ba hé lion a ſhluaigh, agus
an mhéidſi do háirmheadh dhiobh, do
bhádar ceithre mhile dhéug agus trí
fichid, agus ſé chéud.
5 Agus an luchd ſhuidheochus ní is
foigſe dhó, budh iad treabh Iſſacar,
agus Netaneel mac Suar ſé bhus caiptín
do chloinn Iſſachar.
6 Agus a ſhluagh agus an mhéid do
do háirmheadh dhiobh, do bhádar cao-
gad agus ceithre mhile, agus ceithre chéad.
7 Annſin treabh Sebulun, agus Eli-
ab mac Helon ſé bhus caiptín ar chloinn
Sebulun.
8 Agus a ſhluagh, agus an mhéid do
háirmheadh dhíobh, do bhádar caogad
agus ſeachd mile, agus ceithre chéud.
9 A nuile do háirmheadh a bhfoſlung-
phort Júdah, do budh céad mile, agus
ceithre fichid mile, ſé míle agus ceithre
chéad líon a ſlúaigh: is iad ſo rachus a
mach ar tús.
10 Don taoibh theas bhias bratach
champa Reuben do réir a ſluagh: agus
budh é Eliſur mac Sédeur caiptin
chloinne Reuben.
11 Agus a ſhluagh, agus an mhéid do
háirmheadh dhiobh ſin, dó bhádar dhá
fhichiod agus ſe mhile, agus cúig chéad.
12 Agus an luchd ſhuidhfeas láimh ris
budh iad treabh Shimeon, agus caip-
tín chloinné Shimeon budh é Selumiel
mac Suriſhaddai.
13 Agus a ſhluagh, agus an mhéid
do háirmheadh dhiobh, do bhádar na
gcaogad agus na naoi mile, agus na
ttri ccéad.
14 Ann ſin treabh Gad: agus budh
é Eliaſaph mac Rebhel caiptín chloinne
Gad.
15 Agus do budh é a ſhluagh agus an
mhéid do háirmheadh dhiobh, ceathra-
chad agus cúig mhile, agus ſé chéad agus
caogad.
16 An mhéid do háireamh a bhfo-
ſlungphort Reuben, do bhádar cèad mhile
agus caogad agus a háon, agus ceithre
chéud agus caogad, líon a ſhluaigh:
agus is iad rachas amach anſá dara
hordúghadh.
17 Annſin gluaisfidh tabernacuil án
chomhchruinnighthe ar aghaidh lé campa
na Lebhíteach ameadhon an champa:
mar as gnáth a ccampa ſhuigheadh,
mar ſin rachuid ſiad ar a naghaidh, gach
éanduine na áit féin a bhfocair a mbratach.
18 Don taoibh ſhiar bhias bratach
champa Ephráim do réir a ſluaigh:
agus budh é caiptin chloinne Ephraim
Eliſama mac Amihúd.
19 Agus a ſhluagh, agus an mhéid do
háirmheadh dhiobh, do budh ceathrachad
mile, agus cúig chéad.
20 Agus láimh ris bhias treabh Mha-

nasseth, agus budh é caiptín chloinne
Mhanasseh Gamaliel mac Pedahsur.
21 Agus a shluagh agus an mhéid do
háirmheadh dhíobh, do budh tríochad
agus dá mhíle agus dá chéad.
22 Annsin treabh Bheniamin, agus
budh é Abidan mac Ghideoni caiptín
chloinne Bheniamin.
23 Agus a shluagh agus an mhéid do
háirmheadh dhíobh, do budh tríochad
agus cúig mhíle agus ceithre chéad.
24 An mhéid do háirmheadh do
champa Ephraim do bhádar céad míle
agus ochd míle agus céud, lion a sluaigh:
agus rachuid air a naghaidh san treas
ranc.
25 Bratach champa Dan biaidh si don
taobh thuáidh maille ré na sluaghaibh,
agus budh é Ahieser mhac Amishaddai,
caiptín chloinne Dan.
26 Agus a shluagh agus an mhéid do
háirmheadh dhíobh, do budh trí fichid
agus dá mhíle agus seachd gcéad.
27 Agus an drong dhéanas campa na
ghar, budh íad tréabh Aser, agus caiptín
chloinne Aser budh é Pagiel mac
Ocran.
28 Agus á shluagh agus an mhéid do
háirmheadh dhiobh, do budh dhá fhichid
agus aon mhíle agus cúig chéad.
29 An sin treabh Naphtali, agus budh
é Ahirah mac Enan caiptín chloinne
Naphtali,
30 Agus a shluagh agus an mhéid
do háirmheadh dhiobh, do budh caogad
agus trí mhíle, agus ceithre chéad.
31 An mhéid do háirmheadh a ccampa
Dan, do budh céad míle agus caogad
agus seachd, is íad sin rachus sa
dheireadh lena mbratachaibh.
32 Is íad so an mhéid do háirmheadh
do cloinn Israel do réir thighe a naithreadh
an mhéad uile do háirmheadh
do na soslungphortuibh ar feadh a sluagh,
do budh sé chéud míle, agus tri mhíle
agus cúig chéad agus caogad.
33 Achd níor háirmheadh na Lebhitigh
a measc chloinne Israel mar do
aithin an tighearna do Mhaóise.
34 Agus do rinnéadair clann Israel do
réir gach a ndubhairt an tighearna re
Maóise: mar sin do shuidheadair a bfhochair
a mbratacha, agus mar sin do chuadair
ar a naghaidh, gach éanduine do
réir a mhuinntire, do réir tigheadh a
naithreadh.

CAIB. III.

Tug Dia na Lebbhitigh do na Sagartaibh chum fritheoilte don Tabearnacuil, 11 *An ionad cheidghin Israel uile. A nuibhir* 22000. *na ceid ghin,* 22273. 45, *do fhuasgladh an corr.*

As íadso mar an gcéadna genealuigh
shleachda Aáron agus Mhaoise,
annsa ló ionair labhair an tighearna re
Maóise air sliabh Sinai.
2 Agus is íad so anmanna chl...
Aáron, Nadab an chéaidghin, agu...
hu, Eleásar, agus Itámar.
3 Is íad so anmanna mhac Aáro...
sagairt do hungadh, noch do cho...
sé chum serbhise do dhéanamh a...
an tsagairt.
4 Agus fuair Nadab agus Abh...
a lathair an tighearna a nuair d...
neádar of áil do thenidh coimhid...
a lathair an tighearna a bhfásach...
agus ní raibh clann aca: agus El...
agus Itamar do bhádar ag mi...
lachd a noifig an tsagairt a n...
Aáron a nathar.
5 Agus do labhair an tighea...
Maóise dha rádh.
6 Tabhair treabh Lébhi a lathair...
taisbean íad a lathair an tsagairt...
ron; iondus go ndearnaidís fritheo...
dhó.
7 Agus cuinneochuid siad a ch...
san, agus cúram an chomhchru...
uile as coinne thabearnacuil an ch...
chruinníghthe, do dhéanamh frit...
te an tabérnacuil.
8 Agus taisgeochuid uile io...
meíntigh thabernacuil an chomhchr...
ighthe, agus cúram chloinne Israel...
dhea amh fritheoilte an tabernacuil.
9 Agus do bhéara tú na Lebh...
do Aáron agus dá mhacaibh...
ar na ttabhairt dó go hiomlán a...
as cloinn Israel.
10 Agus óirdeocha tú Aáron, ag...
mhic, agus béid ag feitheamh a...
fig an tsagart: agus an co...
dheach thiucfas na ghar, cuirfighear c...
báis é.
11 Agus do labhair an tighea...
Maoise, da rádh,
12 Agus misi, féuch misi, do thó...
na Lebhitigh amach as cloinn Isr...
náit a nuile chéidghin da bhfosch...
bhrú a measc chloinne Israel: uim...
budh liomsa na Lebhitigh.
13 Do chionn gur liom a nuile c...
idghin: óir an lá do bhuáil mé...
uile chéidghin a gcrích ná Hégipte,...
náomhuidh mé dhamh féin a n...
chéidghin an Israel, edir dhuine a...
ainmhidhe, budh liomsa iad: is m...
an tighearna.
14 Agus do labhair an tighea...
ré Maóise a bfhásach Sínai, ...
rádh.
15 Comháir clann Lébhi do réir t...
a naithreadh, do réir a muinntir...
nuile fhirionnach ó mhí suas agus...
chionn, comháirse tú iad.
16 Agus do chomháir Maóise iad...
réir bhreithre an tighearna, mar...
haithnigheadh dhe.
17 Agus dob íad so mic Lébhi...
réir a nanmann, Gerson agus Ch...
agus Merári.
18 Agus is íad so anmanna m...

…erſon do réir a muinntire; Lební, …us Simeí.

19 Agus mic Chohat do réir a muinn…re; Amram, agus Iſahar, Hébron …s Uſſiel.

20 Agus mic Mherári do reír a …intire; Mahlí agus Muſí: is íad …leachda na Lebhíteach do rèir …ighthe a naithreadh,

21 O Gherſon átá cineadh na Lib…teach, agus cineadh na Simìteach, … iad ſo ſleachda na Ngerſoníteach.

22 An mhéid do háirmheadh dhíobh …réir uibhre a nuile fhiríonnach ó mhí …os agus os a chionn, an mhéid do háirmheadh dhíobh, do bhádar ſeachd …mile agus cúig chéad.

23 Suigheochuid muinntir na Ngerſo…níteach ar chúla an tabernacuil taoibh …thiar.

24 Agus budh é Eliaſaph mac Láel ceann tighe athar na Ngerſoníteach.

25 Agus budh é cúram mhac Gerſon a ttabearnacuil an chomhchruinnigthe, an tabearnacuil agus an lóiſtín, agus a bhfolach ſin, agus crochadh chum doruis thabernacuil an chomhchruinnighthe.

26 Agus crochadh na cúirte, agus an cúirtín chum doruis na cúirte noch atá láimh ris an ttabearnacuil, agus láimh ris a naltóir fa gcuairt, agus a gcórduidhe ſin chum a ſerbhíſe ſin.

27 Agus ó Chohat bhádar muinntear na Namramíteach, agus muinntear na Niſehariteach, agus muinntear na Nebróníteach, agus muinntear na Nuiſieliteach: is íad ſo muinntear na Gcohatiteach.

28 A nuile uibhir a bhfiriónach ó mhí daois agus ós a chionn do bhádar ochd mile, agus ſé chéad, ag cóimhéad chúraim na ſanctora.

29 Muinnteara mac Chohat ſuidheochuid ré taobh an tabernacuil don taoibh theas.

30 Agus budh é Eliſaphan mac Uiſſiel ceann tighe athar mhuinntear na Gcohatiteach.

31 Agus budh é a ccúram, a Náirc, agus an bórd, agus an coinnleóir, agus na haltóra, agus ſoithighe na ſanctóra lé ndéanuid friotholamh, agus an crochadh, agus a nuile ſherbhís bheanas ris.

32 Agus budh é Eleáſar mac Aáron an ſagart, bhías na cheann ós cionn na druinge airde do na Lebhitibh: agus is aige bhias feitheamh ós cionn an luchd choiméadas cúram na ſanctora.

33 O Mherári do bhí muinntear na Mahliteach, agus muintear na Muſiteach: íad ſo muinnteara Mherári.

34 Agus an mhéid do háirmheadh dhíobh do réir uibhre na bhfirionach uile ó mhí daois, agus ós a chionn, bá ſé mhíle agus dá chéad.

35 Agus dob é Suriel mac Abihail ceann tighe athar mhuintire Merári: cuirfid ſo ſiutha ré táobh an tabearnacuil budh thuaigh.

36 Agus béid buird an tabearnacuil fa chumhdach agus fa cúram mhac Merári, agus na barruidhe bheanas ris, agus na piléir, agus na ſoicéid, agus a uile ſhoithighe ſin, agus a nuile ní fhoghnas dó.

37 Agus piléir na cúirte timchioll fa gcuáirt, agus a ſoicéid, agus a ttairngidhe agus a gcórduidhe.

38 Achd an luchd ſo do ní ſoſlungphurt as coinne an tabearnacuil leath ſhoir, eadhon as coinne thabearnácuil an chomhchruinnighthe leath ſhoir, budh iad Maoiſe agus Aáron agus a mhic bhias ag coimhéad chúraim na ſanctóra. ar ſon chúruim chloinne Iſrael; agus an coimhidhtheach thiucfas a ngar, báiſeochar é.

39 An mhéid do háirmheadh do na Lebhitibh noch do chomháir Maóiſe agus Aáron le haithne an tighearna ar feadh a muinntear, a nuile fhear ó mhi daóis & ós a chionn, do bhádar fithche, & dá mhíle.

40 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóiſe, comháir a nuile chéidghin fheardha do chloinn Iſrael maille re uibhir a nanmann ó mhí daóis agus ós a chionn, agus glac uibhir a nanmann.

41 Agus glacſa tú na Lebhitigh dhamhſa (miſi an tighearna) a náit a nuile chéidghin a meaſc chloinne Iſrael, agus áirnéis na Lebhitheách ar ſon gach céaidbhreith a meaſc áirnéiſe chloinne Iſrael.

42 Agus do chomháir Maóiſe mar do aithin an tighearna dhe, a nuile chéidghin a meaſc chloinne Iſrael.

43 Agus a nuile chéidghin fheardha maille ré uibhir a nanmann ó mhí daois, agus ós a chionn, an méid do háirmheádh dhíobh do bhádar fithche agus da mhíle agus dá chéud, agus trí fichid, agus a trí deug.

44 Agus do labhair an tighearna re Maoiſe, dha radh.

45 Glac chugad na Lebhítigh a náit a nuile chéidghin a meaſc chloinne Iſrael, agus áirnéis na Lebhiteach a nionad a náirnéiſe, agus budh liomſa na Lebhitigh: miſi an tighearna.

46 Agus ar ſon an mhéid atá re na bhfúaſcladh dón dá chéad agus don trí fichid, agus a trídéag, do na céaidghinibh chloinne Iſrael, noch is mó ná na Lebhítigh.

47 Glacſa tú eadhon cúig ſecel ón duine do réir a cceann: do réir ſhecel na ſanctóra ghlacfas tú iad, is fithche géarah an ſecel.

48 Agus do bhéara tú an tairgiod uait lé bhfuaſcaltar a uibhir chorr dhíobh, do Aáron águs dá mhacaibh.

49 Agus do ghlac Maóiſe airgead na fuaſculta ón luchd do bhí ós a ccionn ſin, noch do fuaſcladh leis na Lebhitibh.

50 O chéidghinibh chloinne Israel
do thóg sé an tairgiod, míle a-
gus trí chéad, agus trí fichid agus
cúig secel, do réir secel na san-
tóra.
51 Agus tug Maoise airgead an mhéid
do fuascladh dhiobh do Aáron agus
dá mhacaibh, do réir bhréithre an
tighearna, mar do aithin an tighearna
do Mhaóise.

CAIB. IV.

Abis agus aimsir fritheola na nLébhiteach.
5 Agus neitheann oile bheanus dá
noifig.

AGus do labhair an tighearna ré
Maóise, agus ré Hàaron, gha rádh.
2 Glacuidh uibhir mhac Chohat
ó bheith a measc uibhre mhac Lébhí,
do réir a muinntear tre thigh a
naithreadh,
3 O thriochad bliadhan daois, agus
ós a chionn, go nuige umurró caogad
bliadhan daois, a nuile dhuine rachus ann-
sa tsluagh do dhéanamh saothair a ttaber-
nacuil an chomhchruinnighthe.
4 Si so serbhis bhias ag macaibh
Chohat a ttabernacuil an chomhchruin-
nighthe timchioll na neitheann ro
naomhtha.
5 Agus a nuair rachus an sluagh
ar a naghuidh, tiucfa Aáron agus
a mhic, agus leagfuid sios an brat fo-
luighe, agus foileochuid airc na fiagh-
nuisi leis.
6 Agus cuirfid air an bhfolach do
chroicnibh broc, agus leithneochuid
taobh a muigh air éadach do ghorm uile,
agus cuirfid a mhaididhe a steach ann.
7 Agus ar bhord an aráin thais-
béanta, leathneochuid siad éadach do
ghorm, agus cuirfid na míasa ar sin,
agus na liacha, agus na scáluidhe, agus
na foluigh fhoileochus; agus bláidh an
arán siorruidhe air.
8 Agus leithneochuid siad éadach
scárláoide orra, foileochuid siad sin
lé folach do chroicnibh broc, agus
cuirfid a mhaididhe a steach ann.
9 Agus géabhuid chuca éadach do
ghorm agus foileochuid coinnleóir an
tsoluis, agus a lampuidhe, agus a theann-
chuiridhe, agus a mhiása smóil, agus a
uile shoithighe ola, lé ndéanuid siad frio-
tholumh dhó.
10 Agus cuirfid siad é féin agus a
shoithighe uile a stigh a bhfolach do chroi-
cnibh broc, agus cuirfid siad air bhar-
ra é.
11 Agus ar a naltóir órdha leith-
neochuid siad éadach do ghorm, a-
gus foileochuid é dfolach do chroi-
cnibh broc, agus cuirfid na maididhe
faoi.
12 Agus geabhuid chuca uile ion-
strumintigh an fhriothoilte lé ndéa
serbhis annsa tsanctóir, agus cu
iad a néadach do ghorm, agus fo
chuid iad dfolach do chroicnibh b
agus cuirfid ar bharra iad.
13 Agus béaruid leó an luaith
altóir agus leithneochuid éadach pu
air.
14 Agus cuirfid air a shoithighe
le ndéanuid friotholamh gacha
dhe, martá cionseur na tuise, na
dhala, agus na sluaiste, agus na bai
agus uile shoithighe na haltóra,
gus leithneochuid siad air folach
chroicnibh broc, agus cuirfid a mh
idhe faoi.
15 Agus a nuair chríochnochus
ron, agus a mhic, folach na sanctóra,
gus uile shoithighe na sanctora, mar
an campa ag gluasachd ar aghaidh;
éis sin tiocfuid mic Chohat dá iom
achd ni bheanfuid re héinní bean
the, deagla a mbásuighthe. Ag
lách mhac Chohat a ttabearnacuil
chomhchruinnighthé.
16 Agus ré hoifig Eleásair mhic
ron an sagart bheanus a nóla
an tsoluis, agus an túis dheaghbhola
agus a nofráil laétheamhuil bhi
agus a nola ungtha, agus
eamh ós cionn an tabearnacuil
agus gach uile neithe da bhfuil
í, annsa tsanctóir, agus iona
thighibh.
17 Agus do labhair an tighearna
Maóise agus ré Haáron, gá rádh.
18 Ná gearruidh a mach tr
mhuinnteara na Gcohatíteach ó
a measc na Lébhiteach.
19 Achd déanuidh mar so ri
go mairfid siad, agus nach bh
bás a nuair thiocfaid a ngar n
theann ro naomhtha: rachuidh A
agus a mhic a steach, agus oirdeo
gach éinneach dhíobh iona
féin agus iona ualach.
20 Achd ní rachuid siad a
dféachuin an uair fhoileochtar na
naomhtha, deaglá go bhfuighedís bá
21 Agus do labhair an tighearna
Maóise dhá rádh.
22 Glac chugad mar an gc
uibhir mhac Gerson, líon tighe a
readh do réir a muinntear.
23 O thriochad bliadhan daois,
ós a cionn go nuige caogad blia
dáois áireomhus tú an mhéid atá
chum coguidh, do dhéanamh na hoif
ttabearnacuil an chomhchruinnighth
24 Si so serbhis mhuintire na N
sonteach, serbhis do dhéanamh agu
lach diomchar.
25 Agus iomchoruid siad cúirtín
tabearnacuil, águs tabearnacul an ch
chruinnighthe, a fholach, agus an fo
do chroicnibh broc bhías shuas
agus brat doruis thabearnacuil
chomhchruinnighthe.

26 Agus crochadh na cúirte, agus
crochadh do dhorus geata na cúirte,
nóch bhías láimh ris an tabearnacuil
agus ris a naltóir timchioll fa ccuairt, a-
gus a ccorduidhe, agus a nuile instru-
meint a sherbhíse, águs gach uile ní da
ndearnadh dhóibh: is mar sin do dhéa-
nuid a bhfriotholamh.
27 Ar ordughadh Aáron agus a
mhac bhías serbhís na Ngersoniteach
uile iona nualuighibh agus iona seirbhís
uile: agus oirdeochuidh sibh dhóibh a
gcúram, a nualuighe uile.
28 Si so serbhís mhuinntire mhac
Gérson a ttabearnacuil an chomh-
chruinnighthe, agus biaidh a gcúram
faoi láimh Itamar mac Aáron an sa-
gart.
29 Ar son mhac Mherári comháirse
tú iad do réir a muinntear tre thigh a
naithreadh;
30 O thriochad bliadhan daois agus
ós a chionn, go nuige caogad bliadhan
daóis, airéomhas tú íad, gach uile
dhuine da rachaidh chum serbhíse, do
dhéanamh oibre thabearnacuil an chomh-
chruinnighthe.
31 Agus sé so cúram a nualaigh do
réir an uile sherbhíse a ttabearnacuil
an chomhchruinnighthe, cláir an tabear-
nacuil, agus a bharruidhe, agus a philéir
agus a shoicéid.
32 Agus piléir na cúirte timchioll fa
gcuairt, agus a soicéid agus a tairrngi-
dhe, agus a gcórduidhe maille re na nuile
instrumentibh, agus maille re na nuile sher-
bhís: agus áireamha sibh go hainmneamh-
uil ionstrúmentigh chúruim a nualuidh.
33 Si so serbhis mhuintire mhac Mhe-
rári do réir a serbhíse uile a ttabear-
nacuil an chomhchruinnighthe fó láimh
Itamar mhic Aáron an sagart.
34 Agus do áir Maóise agus Aáron
agus deaghdháoine an chomhchruinn-
ighthe, na Cohatitigh do réir a muinn-
tear, agus do reir thighe a naithreadh;
35 O thríochad bliadhan daóis, agus ós
a chionn, go nuige caogad bliadhan dáois,
gach éinneach da dtéid san tserbhis
chum na hoibre a ttabearnacuil an
chomhchruinnighthe.
36 Agus an mhéid do háirmheadh
dhiobh do réir a muinntear, do bhádar
dá mhile, seachd ccéud, agus caogad.
37 Agus is íad so an mhéid do háir-
mheadh do mhuinntearuibh na Ccohati-
teach, an mhéid dár bhféidir serbhis do
dhéanamh a ttabearnacuil an chomhch-
ruinnigh, noch do áir Máoise agus Aáron
do réir aithne an tighearna lé láimh
Mháoise.
38 Agus an mhéid do háirmheadh do
mhacaibh Gerson, líon a muinntear, agus
tre thigh a naithreadh.
39 O thríochad bliadhan dáois agus
ós a chionn, go nuige cáogad bliadhan
dáois, a nuile dhuine da rachaidh annsa
tserbhis chum oibre thabernacuil an
chomhchruinnighthe,
40 An mhéid do háirmheadh dhiobh
líon a mhuintire, tre thighthibh a naith-
readh, do bhádar dhá mhile sé céad
agus tríochad.
41 Is iad so an mheid do háirmheadh do
mhuinntearuibh mhac Gerson, don uile dá
ttáinic serbhís do dhéanamh a ttabearna-
cuil an chomhchruinnighthe, noch do
áir Máoise agus Aáron do réir aithne an
tighearna.
42 Agus an mhéid do háirmheadh do
mhuintearuibh mhac Merári, ar feadh a
muinntear, tre thigh a naithreadh;
43 O thriochad bliadhan dáois, agus ós
a chionn go nuige caógad bliadhan dáois,
a nuile dhuine da dtéid annsa tserbhis, chum
oibre thabernacuil an chomhchruinnighthe
44 An mhéid do háirmheadh dhiobh
do réir a muinntire, do bhadár trí
mhíle agus dá chéud.
45 Is íad so an mhéid do háirmheadh
do mhuinntír mhac Mherári, nóch do
áir Máoise agus Aáron, dó réir bhréithre
an tighearna le láimh Mháoise.
46 An mhéid sin uile dár háirmheadh
do na Lebhítibh, noch do áir Máoise &
Aáron, & maithe chloinne Israel, do réir
a muintire, & do réir thighe a naithreadh;
47 O thríochad bliadhan dáois agus
ós a chionn go nuige caogad bliadhan
dáois, gach éandune da ttáinic dul do
dhéanamh serbhíse miniostralachda, agus
serbhíse a nualuidh a ttabernacuil an
chomhchruinnighthe:
48 An mhéid do háirmheadh dhiobh do
bhádar ochd míle agus cúig chéud, agus
ceithre fichid.
49 Do réir aithne an tighearna do háir-
mheadh íad lé láimh Mháoise, gach éan-
duine do réir a sherbhíse agus do réir a
ualuigh: mar so do comháireadh íad leis,
mar do aithin an tighearna do Mháoise.

CAIB. V.

Gloine an Champa. 5 Aisiog ar an Eagora. 11 Agus ceasdughadh na héada.

AGus do labhair an tighearna re Má-
óise, dha rádh.
2 Aithin do chloinn Israel go ccuirid
amach as an gcampa gach éan lobhar,
agus gach aon ar a bhfuil silt, agus giodh
bé ar bith bhias truaillighthe o mharbh.
3 An feardha agus an bannda araon
cuirfidhe amach, táoibh amuigh don
champa chuirfidhe iad: chum nach ttru-
aillfid siad a bhfoslungphuirt, noch a
ccomhnuighimsi na meadhon.
4 Agus do rinneadar clann Israel sin,
agus do chuireadar a mach táoibh a
muigh don fhoslungphort íad: mar a du-
bhairt an tighearna ré Máoise, is mar sin
do rinneadar clann Israel.
5 Agus do labhair an tighearna ré
Máoise, dha rádh.
6 Abair re cloinn Israel, a nuair do
dhéaná fear no bean peacadh ar bith,
noch

noch do níd dáoine, do dhéanamh sáruighthe a naghaidh an tighearna, agus go mbí an duine sin ciontach ;

7 Ann sin aideomhuid siad a bpeacadh noch do rinneadar : agus aiseoguidh sé a choir maille ré na phrinnsiopail sin, agus cuirfidh na chionn an cúigeadh cuid de, agus do bhéara don té a ndearna an choir na aghaidh, é.

8 Achd muna raibh brathair gàoil ag an duine ré leiseochta sé an dioghbháil, déantar an choir do leasughadh ris an tighearna, eadhon don tsagart ; taobh amuigh do reithe an fhosuigh le ndéantar síothcháin dó.

9 Agus gach uile ofráil do na huile neithibh naomhtha bheanas re cloinn Israel bhéaruid siad chum an tsagairt, budh leis féin é.

10 Agus budh leision neithe náomhtha gach uile dhuine, giodh bé ar bith ní bhronnfas duine don tsagart, budh leisfion é.

11 Agus do labhair an tighearna re Maóise, dha rádh.

12 Labhair re cloinn Israel agus abair riú, ma théid bean fhir ar bith do leath táoibh, agus coir do dhéanamh na aghaidh.

13 Agus go luidhfeadh feár le go colluidhe, agus go bhfoileochtar sin as radharc a nfir, agus go ccuimhdeochthair é go secréideach, agus isi do thruailleadh, agus nach beith fiadhuin ar bith na haghaidh, agus nach mo bhéarthar uirre san ngniomh ;

14 Agus go ttiucfa spiorad éada airsion, agus go mbia sé éadmhar ré na mhnaoi, agus ise ar na truailleadh : nó má thig spiorad an éada air, agus go mbía éadmhar do tháoibh a mhná agus nach ttruaillighear isi.

15 Annsin bhéaruidh an fear a bhean chum an tsagairt, agus do bhéara sé ofráil ar a son, an deachmhadh cuid do Ephah do mhin éorna : ní chuirfidh sé ola ar bith air : óir is ofráil éada í, ofráil chumhnighthe ag tabhairt uilc a ccuimhne.

16 Agus do bhéara an sagart ise a ngar, agus suidheochuidh sé a lathair an tighearna í.

17 Agus glacfuidh an sagart uisce coisreactha a soitheach criadh, agus cuid don chriaidh bhias ar urlár an tabernacuil glacfuidh an sagart é, agus cuirse annsa nuisce é.

18 Agus suidheochuidh an sagart an bhean as coinne an tighearna, agus nochdfuidh ceann na mná, agus cuirfidh ofráil an chuimhnighthe iona lámhuibh, sé sin ofráil a néada ; biaidh ag an tsagart na láimh an tuisce searbh do bheir fa deara mallughadh.

19 Agus béuruidh an sagart mionna uirresi, agus déara ris an mnáoi, mun ar luidh éanduine leachd & muna ndeachuidh tú do leath táoibh a neamhghloine le fear oile a náit thfir féin,b[...] si saor ó nuisce searbhso,noch do chuir[...] an mallúghadh.

20 Achd ma chuaidh tú do le[...] táobh chum duine eile a náit thfir p[...]sta, agus má tá tú ar do thruaille[...] agus gur luidh fear éigin leachd, ta[...] a muigh dot fhear pósta féin :

21 Ann sin cuirfidh an sagart [...] chúram air an mnáoi maille re m[...]nuibh an mhalluighe, agus déara [...] sagart ris an mnaói, Go ndearna an t[...]ghearna mallughadh agus mionna dhi[...] a measc do mhuinntire, a nuáir do bhé[...] an tighearna ar do thairbhfhéich b[...]bhadh agus ar do bholg at :

22 Agus an tuiscesi chuireas an m[...]lughadh,rachaidh sé ann do mhionach [...] thabhairt ar do bholg at, agus air d[...] cheathramhain lobhadh : agus a dé[...] an bhean Amen, Amen.

23 Agus scríobhthuidh an sagart [...] malluighthesi a leabhar, agus teilgfi[...]mach íad leis a nuisce searbh :

24 Agus do bhéura fa deara d[...] mnáoi an tuisce searbh dól, agu[...] tuisce do bheir an mallughadh rach[...] sé innte, agus biaidh searbh.

25 Ann sin glacfuidh an sagart [...] ofráil éada as láimh ná mná, agus t[...]fuidh an ofráil a lathair an tighear[...] agus ofráilfidh í ar an altóir.

26 Agus glacfuidh an sagart lá[...]ice don ofráil, i. a cuimhne sin, agus [...]iscfidh ar an altóir é, agus na dhé[...] sin do bhéara ar an mnáoi an tuisce [...]

27 Agus a nuair bhéara sé uirre [...] tuisce ól, tiocfuidh a ccrích ann [...] ma bhionn si ar na truailleadh [...] go ndéarna coir a naghaidh a fir, [...] rachuidh an tuisce do bheir an m[...]ghadh, innte, agus go mbiaidh se[...] agus atfuidh a bolg, agus lobhth[...] tairbhféich, agus biaidh an bhean m[...]luighthe a measc a daóine.

28 Agus muna raibh an bhea[...] na truailleadh, achd go mbia glan, [...] sin biaidh si saor agus tuismeod[...] síol lé.

29 Sé so dligheadh na néud a [...] théid bean a leath taoibh go fear eil[...] náit a fir fein, agus go mbía truaillight[...]

30 Nó a nuair thiocfas spi[...] a néuda airsion, agus go mbía eud[...] re na mhnáoi, agus go ccuirfidh [...] bhean a lathair an tighearna, agus [...] gcríochnochuidh an sagart an dligh[...] so uile, uirre.

31 Ann sin biaidh an fear ne[...] chiontach ó éaiccéart, agus fuileong[...] an bheanso ar son a héicceirt.

CAIB. VI.

Dlighe mhóide na Násaritéach. 22 Beannughadh an Phobail.

AGus do labhair an tighearna re M[...]óise, dha rádh.

2 Labh[...]

2 Labhair re cloinn Iſrael agus abair
ríú, A nuair dheileochus fear no bean
do thabhairt moide mar mhóid na Na-
ſaríteach, agus íad féin dedirdhealu-
ghadh don tighearna.
3 Seachonuidh ſé é féin ar fhion agus
ar dhígh láidir, agus ní iobha fineagra
fiona nó fineagra dígh láidre, águs ní
[...] ibhthios deoch do ſhúgh caor ar
bith, ní mo ioſas caora fliucha no tior-
[...]ma.
4 Ar feadh laétheadh a ſheachanta ní
ioſa einní do nithear do chrann na finea-
mhna ón ſceallán go nuige an mogull.
5 Ar feadh laétheadh mhóide a ſcar-
tha ní racha ſcían bhéartha ar a chionn:
go rabhaid na láethe coimhlionta ar
edirdhealúigh é féin don tighearna
biaidh ſé naomhtha, agus léigfidh ſé dó
chiabhuibh gruáige a chinn fás.
6 Ar feadh na laetheadh a rachaidh
air leith don tighearna ní thiocfa a ngar
éanchuirp mhairbh.
7 Ní dhéana ſé é féin neamhghlan ar
ſon a athar, nó air ſon a mhathair, nó
ar ſon a dhearbhrathar, nó ar ſon a
dheirbhſheathar a nuáir rachuid déug: oir
atá beannughadh a Dhé ar a chionn.
8 Ar feadh aimſire a iomſcartha atá
ſé naomhtha don tighearna.
9 Agus má gheibh duine ar bith
bás go ró obann na fhochair, agus go
truaillfidh ſé ceann a naomhthachda,
agus ann ſin beárrfa ſé a cheann a ló a
ghlanta, ar an ſeachdmhadh lá bheárr-
fas ſé é.
10 Agus ar an ochdmhadh lá do bhéara
ſé dhá thurtuire, nó dhá cholum óga
chum an tſagairt go dorus thabearnacuil
na chomhchruinnighthe.
11 Agus ofráilfidh an ſagart aon aca
ar ſon ofrala peacaidh, agus an téun eile
ar ſon ofrala loiſcthe, agus do dhéana
ſith ar a ſhon; óir do pheacaidh leis
an marbh, agus naomhthochuidh ſe a
cheann ſan ló chéadna.
12 Agus coiſreochuidh ſe don tighear-
na laéthe iomſcartha, agus do bhéara
uan don chéad bhliadhuin leis ar ſon
ofrala eigcéirt: achd do chaill na
láithe do chuaidh thairis ar an adhbhar
gur truailleadh a iomſcaradh.
13 Agus ſé ſo dligheadh an Na-
ſaritigh: a nuair choimhliontar
laéthe a edirdhealuighthe, bearthar
é go dorus thabernacuil an chomhch-
ruinnighthe.
14 Agus ofralfuidh ſé a ofráil don
tighearna, eadhon éan uan firionn don
chéad bhliadhuin gan toibhéim ar ſon
ofrála loiſcthe, agus én uan bainionn
don chead bhliadhuin gan toibhéim,
ar ſon ofrála peacaidh, agus éainreithe gan
toibheim air ſon ofrala ſiodha.
15 Agus cleibhin darán gan
laibhín, ſcáciudhe do phlúr thinealta
cumuiſcthe lé hola, agus abhlanna da-
rán gan laibhín ungtha lé hola, a-
gus an ofráil bhídh, agus a nofrála
dighe.
16 Agus do bhéara an ſagart íad a
lathair an tighearná, agus do dhéana of-
ráil pheacuidh agus ofráil loiſcthe.
17 Agus ofráilfidh ſé an reithe mar
iodhbuirt ofrála ſiodha don tighearna
maille ris an ccléibhín darán gan laibhin:
ofrálfuidh an ſagart mar an gcéadna of-
ráil bhidh, agús a ofráil dighe.
18 Agus beárrfuidh an Naſaríteach
ceann a iomſcartha, ag dorus thabearna-
cuil anchomhchruinnighthe; & glacfuidh
gruag chinn a dhealuighthe, & cuirfidh
annſa teinidh noch atá fáoi iodhbuirt of-
rála na ſiodha.
19 Agus glacfuidh an ſagart ſlinnéun
bruithe an reithe, agus éancháca gan
láibhín as an ccleibhín, agus éanabhlann
gan laibhín, agus cuirfidh ſé íad ar
lámhuibh an Naſarítigh tar éis gruaige a
iomſcartha do bhearradh.
20 Agus tonnfuidh an ſagart íad mar
ofráil tonta a lathair an tighearna: is
naomhtha ſo don tighearna maille ris a
nuchd tonta agus an ſlinnéun tógtha:
agus na dhiaigh ſin is éidir leis an Na-
ſarítheach fíon dól.
21 Se ſo dligheadh na Naſariteach
noch thug móid, agus a ofráil don ti-
ghearna ár ſon a iomſcartha, taobh a-
muigh don ní do gheabhas a lámh: do
réir na móide thug ſé is már ſin chaith-
feas ſé a dhéanamh, do réir dhlighe a
iomſcartha.
22 Agus do labhair an tighearna ré
Máoiſe, dha rádh.
23 Labhair lé Haáron agus le na mha-
caibh, ag rádh, Ar an modh ſo bheinneo-
chuidh clanna Iſrael, dha rádh riú.
24 Go mbeannuighe an tighearna ſibh,
agus go ccoimhéada ſé ſibh:
25 Go niompóighe an tighearna a
ghnúis ſhuilbhir ribh, agus go raibh
gráſamhuil dáoibh:
26 Go ttógadh an tighearna a ghnúis
maille ribh, agus go ttugaidh ſíoth-
chain dáoibh.
27 Agus cuirfid ſiad mainm
ar chloinn Iſrael, agus beinneocha me
íad.

CAIB. VII.

*Ofrála phrionnſuidhe Iſrael, a ló thog-
bhála an Tabearnacuil, 10 agus na
haltóra. 89. Labhair Dia re Maoiſe on
tſuidhe Thrócaire.*

AGus tárla an lá do chríochnuigh
Máoiſe go hiomlan án tabearnacuil
do chur ſuas, agus gur ungaidh é, agus
gur náomhuigh é, agus a raibh dion-
ſtrumentibh aige, araon a naltóir agus a
huile ſhoithighe, agus gur ungaidh íad,
agus gur naomhuidh íad,

2 Sí so ofráil do rinneadar prionn-
suidhe Israel, cinn tighe a naithreadh,
(noch do bhí na bprionnsuidhibh ar na
treabhuibh, agus do bhí ós cionn an
mheid do háirmheadh).
3 Agus tugadar a nofráil a lathair an
tighearna, sé carbuid fholuighthe, agus
dhá dhamh dhéug; carbad do dhís do
na prionsuidhibh, agus damh do gach
éanduine: agus tugadar íad as coinne an
tabernacuil.
4 Agus do labhair an tighearna re
Máoise dha rádh.
5 Glac uatha é, cor go mbeidís
chum serbhíse thabearnacuil an chomh-
chruinnighthe, do dhéanamh; agus do
bhéara tú íad do na Lebhítibh, da gach
éan duine do réir a sherbhíse:
6 Agus do ghlac Máoise na carbuid
agus na doimh, agus tug do na Lebhítibh
íad.
7 Tug sé dhá charbad agus ceithre
doimh do mhacaibh Gerson, do réir a
serbhíse.
8 Agus tug sé ceithre carbuid agus
ochd ndoimh do mhacuibh Merári, do
réir a serbhíse fa láimh Itamar mhic
Aáron an sagart.
9 Achd ní thug se éncheann do mha-
caibh Chohat, do chionn gurob í serbhís
na sanctóra do bhean ríu, agus gu-
rob air a nguaillibh do chaithfidís sin
ionchar.
10 Agus do rinneadar na prionnsuidhe
ofrála, a ttógbhala na haltóra san ló a
raibh sí ar na hungadh, eadhon is ann
do ofráladar na prionnsuidhe a nofráil a
láthair na haltóra.
11 Agus a dubhairt an tighearna ré
Máoise, ofráilfid siad a nofráil, gach
prionnsa dhíobh an a lá féin ar son tóg-
bhála na haltóra.
12 Agus dob é Nason mhac Ammína-
dab an céad neach do ofráil do threibh
Júdah, an chéad lá.
13 Agus sí dob ofráil dó, éan
bháisin a mháin airgid, iona raibh
comhthrom chéud agus triochad secel,
éan bhulla airgid iona raibh seachd-
mhodhad secel, do réir secel na sanctó-
ra: íad araon lán do phlúr mhín
cumuiscthe le hola mar ofráil
bhídh.
14 Eàn liach a mháin comhthrom
dheich secel óir, lán do thúis.
15 Eán bhulóg óg, éanreithe, éan
uan don chéaid bhliadhuin chum iodh-
bartha loiscthe.
16 Eán mheannán do na gabhruibh ar
son íodhbhartha an pheacaidh.
17 Agus ar son ofrála íodhbhartha na
síodha, dhá dhamh, cúig reithe, cúig
gabhair fhirionna, cúig uain don chéad
bhliadhuin: is íad so bá hofráil do Na-
son mhac Ammínadab.
18 An dara lá do ofráil Netaniel
mhac Suar prionnsa Issachar.
19 Do ofráil se ar son o
éan bháisin amháin airgid, a cho
throm sin do budh céud
tríochad secel, éan bhulla airgid
chomhthrom seachtmhoghad secel,
réir secel na sanctóra, íad araon lá
phlúr mhín cumuiscthe le hola,
ofráil bhídh.
20 Eán liach a mháin dór do cho
throm dheich secel, lán do thúis.
21 Eán bhulóg óg, éan reithe,
uan don chéad bhliadhuin, mar
buirt loiscthe,
22 Eán mheannán do na gabhruibh
son ofrála peacaidh.
23 Agus mar iodhbuirt ofrála
chana, dá dhamh, cúig reithe,
gabhair fhirionna, cúig huáin
chéad bhliadhuin: is so bá hofráil
Netaniel mhac Suar.
24 Ar an treas lá do iodhbuir E
mac Helon, priunnsa mhac Sebulon.
25 Do budh í a iodhbuirt éanbh
dairgead, a chomhthrom sin céud
triochad secel, éan bhulla airgid
chomhthrom seachdmhodhad secel,
réir shecel na sanctora; íad araon
do phlúr mhín cumuiscthe le hola,
ofráil bhídh.
26 Eán liach a mháin órdha do ch
throm dheich secel lán do thúis.
27 Eán bhulóg óg, éan reithe,
lubhán don chéad bhliadhuin, mar
ráil loiscthe.
28 Eán mheannán do na gabhruibh
son ofrála peacaidh.
29 Agus ar son íodhbuirt o
síothchána, dhá dhamh, cúig re
cúig gabhuir fhirionna, cúig huain
chéaid bhliadhuin: sí so bá hofráil
Eliab mhac Helon.
30 An ceathramhadh lá do o
Elisur mhac Sedeur, prionnsa chlo
Reuben.
31 Agus do budh í a ofráil éan b
sin airgid, comhthrom chéud agus t
ochad secel, éanbhulla airgid do cho
throm seachdmhoghad secel, do
secel na sanctóra, íad araon lán
phlúr fhínealta cumuiscthe lé hola,
ofráil bhídh.
32 Eàn liach amháin órdha do cho
throm dheich secel, lán do thúis.
33 Eán bhulóg óg, éan reithe,
uan don chéad bhliadhuin, chum na
odhbartha loiscthe.
34 Eán mheannan do na gabhraibh
son ofrála peacaidh.
35 Agus ar son íodhbuirt ofrála s
dhá dhamh, cúig reithe, cúig
cúig huain don chéidbhliadhuin: do
í so ofráil Elisur mhac Sedeur.
36 An cúigeadh lá Selumiel
Surishaddai, prionnsa chloinne Sim
sé do ofráil.
37 Sí budh ofráil dó, éanbháis
mháin airgid, dob é a chomhthrom
céud & tríochad secel, éan bhulla ai

do sheachmhodhad secel, do réir secel
na sanctora, iad araon lán do phlúr
mhín cumaiscthe le hola mar ofrail
bhidh.
38 Ean liach órdha do chomhthrom
dheich secel lán do thúis.
39 Ean bhulóg óg, éan reithe, ean
uan don chéad bhliadhuin mar ofráil
loiscthe.
40 Ean mheannán do na gabhraibh
ar son ofrála peacaidh.
41 Agus ar son iodhbartha ofra-
la siodha, dá dhamh, cúig rêithe, cúig
puic, cúig húain don chéad bhliadhuin :
si so budh hofráil do Shelumeil mhic
Surishaddai.
42 An seiseadh lá do rinne Elisaph
mhac Deuel prionnsa chloinne Gad
iodhbuirt.
43 Do budh í a ofráil êanbháisín air-
gid do chomhthrom céud agus tríochad
secel, bulla airgid do sheachdmhoghad
secel do réir secel na sanctora : iad araon
lán do phlúr mhín chumaiscthe lé hola
mar ofráil bhídh.
44 Eán liach amháin órdha do chomh-
throm dheich secel lán do thúis.
45 Eán bhulóg óg, ean reithe,
éan uan don chéid bhliadhuin chum
ofrala loiscthe.
46 Eán mheannán do na gabhruibh ar
son ofrála peacuidh.
47 Agus ar son íodhbartha ofra-
la siodha, dá dhamh, cúig reithe,
cúig puic, cúig huain don chead bhli-
adhuin: si so budh ofráil do Eliasaph
mhac Deuel :
48 Agus do ofráil Elisama mhac Am-
mihud prionnsa chloinne Ephraim an
seachdmhadh lá.
49 Do budh í a ofráil éanbháisín a
mháin airgid, dar chomhthrom céad
agus tríochad secel, éanbhulla airgid
do chomhthrom seachdmhodhad secel do
réir secel na sanctóra; iad araon lán
do phlúr mhín cumaiscthe lé hola mar
ofráil bhídh.
50 Eán liach amháin órdha do chomh-
throm dheich secel lán do thúis.
51 Eán bhulóg óg, éan uan don
chéad bhliádhuin mar ofráil loiscthe.
52 Eán mheannán do na gabhruibh ar
son ofrála peacaidh.
53 Agus ar son iodhbartha ofrala
siothchána, dá dhamh, cúig reithe,
cúig puic, cúig huain don chéaid bhlia-
dhuin : si so budh ofráil do Elisama
mhac Ammihud.
54 Ar an ochdmhadh lá do ofráil Ga-
maliel mhac Pedasur, prionnsa chloinne
Manasseh.
55 Do budh í a ofráil éanbháisín a
mháin airgid, do chomhthrom ceud agus
triochad secel, ean bhulla áirgid do
chomhthrom seachdmhoghad secel do
réir secel na sanctóra : iad araon lán do
phlúr mhín chumuiscthe le hola mar
ofráil bhídh.
56 Eán liach órdha do chomhthrom
dheich secel lán do thúis.
57 Eán bhulóg óg, éan reithe, éan
uan don chéid bhliadhuin mar ofráil
loiscthe.
58 Eán mheannán do na gabhraibh ar
son ofrála peacaidh.
59 Agus ar san ofrála iodhbartha
siothchána, dhá dhamh, cúig reithe, cúig
puic, cúig húain don chéad bhliadhuin :
do bí so ofrájl Ghamaliel mhac Peda-
sur.
60 Ar an naomhadh lá do ofráil
Abidan mac Gideoni priunnsa chloinne
Benjamin.
61 Do budh í a ofráil sin éanbháisín
airgid dar chomhthrom céud agus trío-
chad secel, bulla airgid do sheachd-
mhoghad secel do réir secel na sanctóra
iad araon lán do phlúr mhín cumuiscthe
lé hola ar son ofrála bidh.
62 Eán liach amháin órdha do chomh-
throm dheich secel lán do thúis.
63 Eán bhulóg óg, éan reithe, ean
uan don chéid bhliadhuin, mar ofráil
loiscthe.
64 Aon meannán do na gabhraibh ar
son ofrála peacaidh.
65 Agus ar son iodhbartha ofrála
siothchana, dhá dhamh, cuig reithe, cúig
buic, cúig huain don chéaid bhliadhain.
66 Ar an deachmhadh lá do ofráil
Ahieser mhac Ammisaddai prionnsa
chloinne Dan.
67 Do budh í a ofráil éan bháisín
amháin airgid, do chomhthrom céad
agus tríochad secel, éan bhulla airgid do
sheachdmhoghad secel, do réir secel na
sanctóra : iad araon lán do phlúr mhín
cumaisce lé hola mar ofráil bhídh.
68 Aon liach amháin órdha do chomh-
throm dheich secel lán do thúis.
69 Eán bhulóg óg, éanúan don chéa-
id bhliadhuin mar ofráil loiscthe.
70 Eán mheannán do na gabhruibh
mar ofráil pheacaidh.
71 Agus mar íodhbuirt ofrala sioth-
chána, dhá dhamh, cúig reithe, cuig
búic, cúig huain don chéaid bhliadhuin ;
do bí so ofráil Ahieser mhic Ammisadda.
72 Ar an éanmhadh lá déug do ofráil
Pagiel mhac Ocrain prionnsa chloinne
Aser.
73 Do budh í a ofráil éan bháisín a-
mhain airgid, dar chomhthrom céad agus
tríochad secel, éan bhulla airgid do
chomhthrom seachdmhoghad secel, do
réir secel na sanctóra ; iad araon lán do
phlúr mhín chumaiscthe le hola már
ofráil bhídh.
74 Eán liach amhain órdha do chomh-
throm dheich secel lán do thúis.
75 Eán bhulóg óg, éan reithe, éan uan
don chéid bhliadhuin mar ofráil loiscthe.
76 Eán mheannán do na gabhruibh
mar ofráil pheacaidh.
77 Agus mar íodhbairt ofrála sioth-
chána, dhá dhamh, cúig reithe, cúig buic,
cúig

cúig huain don cheaidbhliadhuin: do budh í ſo ofráil Phagiel mhic Ocrain.

78 Ar an dara lá déug do ofráil Ahira mhac Enan prionnſa chloinne Naphtali.

79 Do budh i a ofráil éanbháiſin amháin airgid dar chomhthrom céad & tríochad ſecel, ean bhulla airgid do chomhthrom ſeachdmhoghad ſecel do réir ſecel na ſanctóra; iad araon lán do phlúr mhín cumaiſcthe le hola, mar ofráil bhídh.

80 Aon liach amháin órdha do dheich ſecel lán do thúis.

81 Eán bhulóg óg, éan reithe, éan uan don chéad bhliadhuin mair ofráil bhídh.

82 Eán mheannán do na gabhruibh ar ſon ofrála peacaidh.

83 Agus ar ſon íodhbartha ofrála ſíothchana, dhá dhamh, cúig reithe, cúig buic, cúig huain don chéaidbhliadhuin; do budh í ſo ofráil Ahira mhic Enan.

84 Dob íad ſo tabhartuis na haltora, ann ſa lá ar hungadh í, ó phrionnſadhuibh Iſrael: dhá bháiſin déug airgid, dá chupán déug airgid, dhá líach dhéag óir.

85 Gach éan bháiſin airgid ag comhthromadh chéud ſecel agus tríochad, gach éan bhulla ſeachdmhoghad: do comhthromaigh na huile ſhoithighe airgid dhá mhile agus ceithre chéud ſecel, do réir ſecel na ſanctóra.

86 Na líacha airgid do bhádar a dó dhéug lán do thúis ag comhthromadh deich ſecel gach líach dhíobh, do réir ſecel na ſanctóra: ór na líacha uile bá céad agus fichthe ſecel é.

87 Na daimh uile don ofráil loiſcthe do bhádar dhá bhulóig dhéug, na reitheadh a dó dhéug, na huain don chéidbhliadhuin a dó dhéug, maille re na nofráil bhídh: agus meannáin na ngabhar ar ſon ofrála peacaidh, a dó dhéug.

88 Agus na huile damh chum íodhbartha na hofrála ſíothchána do bhádar a ceathair fithchiod do bhuloguibh, na reitheadha ſé fichid, na buic ſé fichid, na huain don chéadbhliadhuin ſé fichid: dob íad ſo tabhartuis na haltóra tár éis a beith ungtha.

89 Agus a nuair do bhi Máoiſe ar ndul a ſteach a ttabearnacuil an chomhchruinnighthe do labhairt re Día, ann ſin do chuala ſé guth fir ag labhairt ris a mach as cathaoir na trócaire, noch do bhí air Airc na fiadhnuiſe, ó edir an dá Cherubhin: agus a dubhairt ſé ris:

CAIB. VIII.

Laſadh na nlampuidheadh. 5. Coiſreacadh na n Lebhiteach. 23. Aóis agus aimſir a nſerbhiſe.

AGus do labhair an tighearna re Máoiſe, dha rádh.

2 Labhair ré Haáron agus abair ris, a nuair laſfas tú na lampuidhe, bhéaruidh na ſeachd lampuidhe ſolus thall ar aghuidh an choinnleora.

3 Agus do rinne Aáron ſin, do l[...] ſé a lampuidhe ar aghaidh an choinnle[...] ra thall, mar do aithin an tighea[...] do Mháoiſe.

4 Agus do bhí a nobairſi an choi[...] leora dór bhuailte go nuige a chos, [...] nuige a bhláthá do bhí dór bhuailte: [...] réir na coſamhlachda do thaisbén an [...] ghearna do Mháoiſe, mar ſin do ri[...] ſé an coinnleóir.

5 Agus do labhair an tighearna [...] Máoiſe, dhá rádh.

6 Beir na lebhítigh ó bheith a me[...] chloinne Iſrael, agas glan íad.

7 Agus marſo dhéanas tú rii[...] nglanadh: croith uiſce glanta o[...] agus bearraidís a bhfeóil uile, [...] nighdís a néaduighe, agus mar [...] deaindís íad féin glan.

8 Ann ſin glacaidís bulóg [...] maille re na hofráil bhídh, ead[...] plúr mín cumaiſcthe le hola, [...] glacfa tuſa bulóg óg eile mar o[...] pheacaidh.

9 Agus do bhéara tú na Le[...] tigh as coinne thabearnacuil an cho[...] chruinnighthe, agus cruinneocha tú [...] bhfochair a chéile coimhthionól chlo[...] Iſrael uile.

10 Agus do bhéara tú na Lebhi[...] a lathair an tighearna, agus c[...] fid clann Iſrael a lámha ar na L[...] bhítibh.

11 Agus do dhéana Aáron [...] Lebhítigh díodhbuirt a lathair [...] tighearna mar ofráil ó chloinn[...] rael, chor go ndéanuid ſerbhís [...] tighearna.

12 Agus cuirfid na Lebhitigh a [...] mha ar cheannuibh na mbulóg, agus [...] dhéana tú íodhbuirt daon acu [...] ofráil pheacaidh, agus don d[...] buloig mar ofráil loiſcthe don [...] gearna, do dhéanamh ſíodha do [...] Lebhitibh.

13 Agus cuirſe tú na Lebhitigh a [...] thair Aáron agus a lathair a mhac, [...] ofráilfidh tú íad mar ofráil do [...] ghearna.

14 Mar ſo ſcarfas tú na Lebhitig[...] bheith a meaſc chloinne Iſrael: [...] budh liomſa na Lebhitigh.

15 Agus na dhiaigh ſin ra[...] na Lebhitigh a ſteach do dhéan[...] ſerbhíſe thabearnacuil an chomhchr[...] nighthe, agus glanfa tú íad, [...] do dhéana tú a nofráil mar í[...] buirt.

16 Oir tugadh dhamhſa go hi[...] lán íad ó bheith a meaſc chloinne [...] rael a náit gach aoin dá noſclann [...] bhrú, eadhon a náit na céidghine [...] chloinn Iſrael uile do ghlac miſi [...] gam íad.

17 Oir is liomſa uile céidg[...] chloinne Iſrael, idir dhuine agus b[...] thach, ann ſa ló ar bhuail mé [...] uile chéidghin a ccrích na He[...]

te do naomhuigh mé iadsan dhamh
féin.
18 Agus do ghlac mé na Lebhítigh ar
son a nuile chéaidghin do chloinn Israel.
19 Agus thug mé na Lebhítigh mar
thiodhlacadh do Aáron agus dá mhacaibh
as measc chloinne Israel do dhéanamh
serbhise chloinne Israel a ttabernacuil an
chomhchruinnighthe, agus do dhéanamh
síodha chloinne Israel, cor nach bía
plágh a measc chloinne Israel a nuáir
thiocfaid clann Israel a bhfogus don
tsanctóir.
20 Agus do rinne Máoise agus Aa-
ron agus comhchruinniughadh chloinne
Israel uile do na Lebhítibh, do réir a
nuile ní dar aithin an tighearna do
Mhaoise a ttaobh na Lebhíteach, mar sin
do rinneadar clann Israel riu.
21 Agus do ghlanadh na Lebhítigh
agus do nigheadar a néaduighe, agus do
ofráil Aáron iad a lathair an tighear-
na, agus do rinne Aáron síth dhóibh
dá nglanadh.
22 Agus na dhiaigh sin do chuádar na
Lebhítigh a steach do dhéanamh a ser-
bhíse a ttabearnacuil an chomhchruin-
nighthe a lathair Aáron agus a mhac,
mar do aithin an tighearna do Mhaoise a
ttaobh na Lebhiteach, is mar sin do
rinneadar riú.
23 Agus do labhair an tighearna ré
Máoise, dha rádh,
24 Sé so an ní bheanas ris na Le-
bhítibh; ó chúig bliadhna fithchiod
dáois, agus ós a chionn rachuid siad a
steach dfuirfheithiomh ar sherbhís tha-
bearnacuil an chomhchruinnighthe.
25 Agus ó aois chaogad bliadhan
scuirfidh gach aon dfuirfheithiomh ar a
sherbhís sin, agus ní dhéaná sé ní is mó
do sherbhis.
26 Achd do dheanuid fritheolamh a
bhfochair a ndearbhráthrar a ttabearna-
cuil an chomhchruinnighthe do choi-
mhéud an chúruim, agus ní dhéanaid
serbhis ar bith: Mar so do dhéana tú
ris na Lebhitibh a ttaoibh a gcúruim.

CAIB. IX.

Ordughadh na Cásga a rís. 6. am oile don Cháisg. 15. Gluaiseadh & suidheadh chlainn Israel, do réir an néull.

AGus do labhair an tighearna re Máo-
ise a bhfásach Sinai annsa chéaidmhí
don dara bliadhuin tar éis a tteachta
amach as crích na Hégipte, dha
rádh,
2 Cumhdaighdís clanna Israel mar an
gcéadna an Cháisg iona am iomchu-
bhuidhe féin.
3 Annsa cceathramhadh lá déag don
mhíse, trathnóna, cuimhdeochtháoi é iona
am cinnte féin: do réir a uile ghnátha,
agus do réir a uile chustuim chuimhdeoch-
tháoi é.
4 Agus do labhair Máoise re cloinn
Israel, da rádh ríu, an Cháisg do
choimhéad.
5 Agus do choimhéid siadsan an
Cháisg an ceathramhadh lá déug don
cheaidmhí trathnóna a bhfásach Sínái:
do réir a nuile neithe dar aithin an ti-
ghearna do Mháoise, is mar sin do rin-
neadar clann Israel.
6 Agus do bhádar dáoine áirighe
do bhí truaillighe le corp dhuine
mhairbh, go nar bhféidir leó an Cháisg
do choimhéud an lásin; agus tangadar
a lathair Mhaoíse agus a lathair Aaron
an lásin féin.
7 Agus a dubhradar na dáoine sin
ris, Atámuid neamhghlan ó chorp dhuine
mhairbh: uimesin atamáoid gar gcong-
mhail nach bhféadmáoid ofráil díodh-
buirt don tighearna na am cinnte féin a
measc chloinne Israel.
8 Agus a dubhairt Máoise riú, Fa-
nuidh bhur gcomhnuighe, agus cluinse
misi créud aithéonus an tighearna bhur
ttaobh.
9 Agus do labhair an tighearna ré
Máoise, ga rádh,
10 Labhair ré cloinn Israel, gá
rádh, Má bhíonn éanduine aguibh no dá
bhur sliochd, neamhghlan ó chorp
mharbh, no má bhíthi a tturus a bhfad
uaibh, thairis sin cuimhdeochthaoi an
Cháisg don tighearna.
11 An ceathramhadh lá déag don da-
ra mí trathnóna chuimhdeochtháoi é,
íostaoi é maille ré harán gan láibhin agus
re luibhionaibh searbha.
12 Ni fhúigfid siad éinní dhe go maidin,
ni bhrisfid siad aonchnáimh dhe, do
réir uile órduighthe na Cásga cuimhdeo-
chuid siad é.
13 Achd an duine bhias glan agus
nach bía ar turas, agus léicfeas thairis
gan an Cháisg do choimhéad, gearrfui-
ghear an tanam céadna amach ó na
mhuinntir, do chionn nach ttug sé leis
ofráil an tighearna na ham cinnte féin,
biaidh ualach á pheacuidh air an bfear sin.
14 Agus ma thig coimhidhtheach ar
cuairt bhar measc, agus go ccuimhdeo-
chuidh sé an Cháisg don tighearna, do
réir órduighthe na Cásga agus do réir
a mhodha sin do dhéana sé: éan ordú-
ghadh amháin bhias aguibh araon don
choimhidhtheach agus don té bearthar
san tír.
15 Agus an lá do tógbhadh suas
an tabearnacuil, do fholuigh néull an
tabearnacuil, eadhon páilliún na fiadh-
nuisi: agus trathnóna do bhí ar an tta-
bearnacuil, mar do bhiadh táimhsea-
nadh tineadh go maidin.
16 Is mar sin do bhí se a gcomhnui-
dhe, do fholchadh an néull é san ló, agus
cosamhlachd shoillsi teineadh sa noidhche
17 Agus a nuáir do tógfuidh an
néull súas ón tabearnacuil, annsin do
ghluaiseadh clann Israel: agus annsa

nait a ccomhnuigheadh an néull, annsin
do shuidheadh clann Israel a lóistine.
18 Ar aithne an tighearna do ghlu-
aiseadh clann Israel, agus ar aithne an
tighearna do shuidhedis a bhfoslung-
phort: an feadh do fhanfadh néull ar
an ttabearnacuil do chomhnuighedis
annsna lóistinibh.
19 Agus a nuáir do fhanadh an
néull a bhfad morán do laéthibh ar an
ttabearnacuil, annsin do choimhéadaidis
clann Israel cúram an tighearna, agus ni
aistrighedis.
20 Agus is mar sin do bhí a nu-
áir bhiodh an néull beagán do laéthibh
air a ttabearnacuil: do réir aithne an
tighearna do fhanaidis iona lóistinibh,
agus do reir aithne an tighearna do
ghluaisidis.
21 Agus is mar sin do bhí a nu-
áir do fhanadh an néull ó thráthnóna
go maidin, agus go ttógtháoi an néull
suas ar maidin, annsin do ghluaisidis;
mas do ló nó doidhché tógfuidh an néull
suas, do ghluaisidis.
22 Nó da madh dhá lá é, nó mí. nó
bliadhuin do fhanfadh an néull ar
an ttabearnacuil, ag fuireach air,
do chomhnuighedis clann Israel ann a
lóistinibh, agus ni ghluaisidis: achd
a nuáir a tógtháoi suas é, do ghluai-
sedis.
23 Do réir aithne an tighearna do
chomhnuighedis iona lóistinibh, agus ar
aithne an tighearna do ghluaisidis: do
choimhéadaidis cúram an tighearna ar
aithne an tighearna le láimh Mhaóise.

CAIB. X.

Foghna na nsdoc airgid. 14. Orduighe ghluásachd an phobail. 35. Guidhe Mhaoise an am gluasachd, & an am comhnuighe na hAirce.

AGus do labhair an tighearna ré Ma-
óise, do rádh:
2 Déana dhuit féin dha thrumpa airgid:
do phiosa iomlán dhéanas tú iad, go
ngnathuighidh tú iad ag gairm a noi-
reachduis, & do ghluaiseachd na sluagh.
3 Agus a nuáir sheidfuighear
iad, cruinneochuid cách uile chugad
ag dorus thabearnacuil an chomhchruin-
nighthe.
4 Agus muna séidfid achd éantrum-
pa, annsin cruinneochuid na prionnsuidhe
noch as cinn ar mhíltibh chloinne Israel,
iad féin chugad.
5 A nuáir sheidfidhe lárum, annsin ra-
chaidh na foslungphoirt noch bhias don
táobh shoir, ar a naghaidh.
6 A nuáir bhuailfeas sibh lárum an
dara huáir, annsin gluaisfid na sluaigh
bhias don táoibh theas ar a naghaidh:
séidfid lárum chum a naistir.
7 Achd a nuair bhias an chomhthionól
ag cruinniughadh a gcionn a chéile, bu...
fe tusa; achd ní bhuailfe tú lárum.
8 Agus is iad clann Aáron an-sa...
sheidfeas na trumpuidhe; agus bia...
aguibhsi mar ordúghadh síorruidhe, ...
feadh bhur ngeinealach.
9 Agus má théid sibh a ccog...
ann bhur ndúthaigh a naghaidh na...
mhad noch bhuaidhrios sibh, annsin...
ailfidhe lárum leis na trumpadhuibh, ...
cuimhneochthar sibh a lathair an ti-
ghearna bhur Ndia, agus saorfuigh...
sibh ó bhur námhuid.
10 Mar an gcéadna a ló bhur l...
gháire, agus ann bhur laethibh feasta...
a ttosuighibh bhur mios, buailfidhe b...
ttrumpuidhe ós cionn bhur nofrála l...
the, agus ós cionn iodhbartha bhur ...
rala siothchana; cor go mbéid a...
mar chuimhniughadh a lathair bhur N...
misi an tighearna bhur Ndia.
11 Agus táinic a ccrích an fiche...
mhadh lá don dara mí, annsa ...
bliadhan, gur tógbhadh suas an né...
thabearnacuil na fiadhnuise.
12 Agus do ghluaisеadar clann ...
rael iona tturus as fásach Si...
agus do fhosuigh an néull a bhfá...
Pháran.
13 Agus do thionnscnadar a tt...
ar tús do réir aithne an tighearna...
láimh Mhaóise.
14 Annsa chead áit do chuaidh ...
tach champa chloinne Júdah, do réir...
sluagh: agus do bhí Nason mhac A...
minadab ós cionn a shluaigh.
15 Agus ós cionn sluaigh thre...
chloinne Isachar, do bhí Nataneel ...
Suar.
16 Agus ós cionn sluaigh thre...
chloinne Sebúlon, do bhí Eliab m...
Helon.
17 Agus rugadh an tabearnacuil ...
agus do ghluaisiodar mic Gherson, ...
mic Mherári ar a naghaidh ag iom...
an tabearnacuil.
18 Agus do ghluais bratach ch...
Reuben ar a naghaidh do réir a slu...
agus do bhí Elisur mhac Sedeur ós cio...
a shlóigh.
19 Agus do bhí Selumiel m...
Surisaddai ós cionn slóigh thre...
chloinne Simeon.
20 Agus ós cionn slóigh threibhe ch...
inne Gad, do bhí Elisaph mhac Deuel.
21 Agus do ghluaisiodar na Cohati...
ag iomchar na sanctóra: agus do ch...
eadarsan eile an tabearnacuil ...
gcoinne a tteachda.
22 Agus do ghluais bratach ch...
chloinne Ephraim do réir a sluagh, a...
ós cionn a narmála do bhí Eli...
mhac Ammihud.
23 Agus ós cionn slóigh thre...
chloinne Manasseh do bhí Gam...
mhac Pedasur.
24 Agus ós cionn slóigh thre...
chloinne Benjamin, do bhí Abidan m...
Gideoni.

25 Agus do ghluais bratach cham-
pa chloinne Dan rompa, noch do bhí ar
dheireadh na gcampadh uile ar fad a
sluagh: agus óscionn a sloigh sin do
bhí Ahieser mhac Amisaddai.
26 Agus ós cionn slóigh threibhe
chloinne Aser, do bhi Págiel mhac Ocran.
27 Agus ós cionn slóigh threibhe
chloinne Naphtali do bhí Ahiran
mhac Enan.
28 Mar so do bhí aistior chloinne
Israel do reir a sluagh a nuáir do
ghluaiseadar ar a naghaidh.
29 Agus a dubhairt Maóise ré
Hobab mhac Raguel an Midianiteach
athair mhná Mhaóise, Atamáoidne ag
triall gus a náit ar labhair an tighearna,
ga rádh, Do bhéura mé dháoibhsi é;
tarrsa linn agus do dhéanam maith dhuit:
óir do labhair an tighearna maith do
tháoibh Israel.
30 Agus a dubhairt seision ris, ní
rachad libh, achd rachad dom dhúthaigh
féin agus go nuige mo ghaol.
31 Agus a dubhairt seision, na
fág sinn, iarruim mar athchuinghidh ort,
ó tharla a fhios agad go bhfuilmid ar
tí campa dhéanamh san bhfásach, agus
go mbia tusa a náit súl dúinn.
32 Agus is amhla bhías, má thig tú
linn, go deimhin biaidh, gach maith
da ndéana an tighearna dhúinne, do
dhéanuimne a leithéid duitsi.
33 Agus do imthigheadar ó shliabh
an tighearna aistear thrí la, agus Airc
chunnartha an tighearna ag imtheachd
rompa a naistior na ttrí lá, diarruidh
áite comhnuidhe dhóibh.
34 Agus do bhíodh néull an tighear-
na orra san ló, a nuáir do théidis amach
as an bhfoslungphort.
35 Agus tarla a nuáir do ghlu-
aiseadh a Nairc ar a haghuidh go na-
bradh Maóise, Eirigh súas a thighearna
agus biodh do naimhde ar na scabadh,
agus an drung fhuathuigheas tú, teithidis
romhad.
36 Agus a nuáir do chomhnuigheadh a
Nairc, déaradh sé, Ionntoigh a thighear-
na chum na niomad milteadh chloinne
Israel.

CAIB. XI.

Do smachdtuigheadh talach an phobuil le teine. 18 Gheall Día sáth feóla dhóibh 24 Do orduigh Dia an Sanhedrim, no an 70 Seanoireadh.

AGus a nuáir do iomchasáoid an pobal,
do chuir sin fearg ar an tighearna,
agus do chualuidh an tighearna sin,
agus do lasadh a fhearg, agus do
las teine an tighearna na measg, agus
do loisg an luchd dó bhí a nim-
ibh an champa.
2 Agus do éighendar an pobal ar
Mhaóise, agus a nuáir do rinne
Maóise urnaighe chum an tighearna, do
múchadh an teinidh.
3 Agus tug Taberah dainm ar a
náit, do chionn gur loisc teine an ti-
ghearna na measg.
4 Agus iomad dá raibh na measc
do ghlac ainmhian íad, agus clann Is-
rael mar an gcéadna do ghuileádur a rís
agus a dubhradar, Cía bhéarus seóil
dúinn ré na hithe?
5 Cuimhnígheamáoid ar a niasc do
ithmis annsa Négipt a naisgidh, na cúla-
rain, agus na mealbhucain, agus an lus,
agus na huinniuin, agus an ghairleóg,
6 Achd a nois atá ar nanum ar
ttiurmúghadh súas; ní bhfuil ní ar bith
aguinn annois achd an Mannasa amháin
ion ar radharc.
7 Agus do bhí an Manna amhuil
síol Coriander, agus a dhath amhuil
dath Bdellium.
8 Agus do imthigheadh an pobal fa
gcuáirt, agus do chruinnighedis é, a-
gus do mheiledis a muiltibh é, no do
bhrúighedis é a móirteur, agus do
bhruithedis a noighnibh é, agus do
nighdis cácuidhe dhe: agus do bhí a bhlas
amhuil blas nuadhola.
9 Agus a nuáir do thuiteadh an
drúchd air an ccampa sa noidhche, do
thuiteadh an Manna air.
10 Annsin do chualuidh Maóise an
pobal ag gul ar feadh a muinntire uile,
gach áon díobh a ndorus a lóistin féin:
agus dó hadhnadh fearg an tighearna go
mór: do bhí Maóise feargach mar an
gcéadna.
11 Agus a dubhairt Maóise ris an tti-
ghearna, Créad fár chrádh tú do shér-
bhíseach, agus créad fá nach bhfuáir mé
fabhar ad lathair, as ar chuir tú ualach
na ndáoinesi uile orum?
12 An misi do ghein an pobalso
uile? an damh rugadh iad, as a nairbear-
thá riom, Iomchair ann tsochras iad,
(mar iomchras an tathair-altrannus le-
anbh na cíche) gus an bfearann do mhi-
onnaidh tú da naithribh?
13 Cait as a bhfaghuinnsi feóil ré
tabhairt don phabalso uile? óir guil id
síad orum, gá rádh: tabhair dhúinn
feóil go níthmis í.
14 Ni fhéaduimsi na dáoinesi uile
diomchar am áonar, do chionn go bhfuil
so ro throm agum.
15 Agus mas mar so dhéanas tú
rium, guidhim thú, marbh mé ar ball;
agus ma fuáir mé muinnteardhus ad la-
thair, ná faicim mo thruaighmhéile.
16 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóise, cruinnigh chugamsa seachdmho-
chad fear do shinnsearuibh Israel, noch is
aithne dhuit bheith na sinsir an phobail,
agus na noifigidh ós a ccionn; agus
tabhair íad go tábearnácuil an chomh-
chruinnighthe, go rabhaid na seasamh ad
fhochairsi annsin.

17 Agus

17 Agus tiucsa misi a nuas agus laibheora me riot annsin; agus beansa mé don spioraid atá ortsa, agus cuirse mé orrasan é; agus iomchóruid siad ualach na ndáoine leachtsa, ionnus nach iomchoruidh tusa leachd féin é.

18 Agus abairsi ris an bpobal, Beannuigidh sibh féin a ccoinne an láoi márach, & iostáoi feoil (óir do ghuileabhair a ccluasaibh an tighearna, da rádh, Cia bhéuras feoil dúinn ré na hithe? óir is maith do bhádhas aguinn sa Négipt) uime sin do bhéura an tighearna feóil dáoibh, agus íostáoi í.

19 Ni héanlá amháin íostaoi, nó dhá là, nó cúig lá, nó deich lá, nó fhithche lá.

20 Achd an feadh míosa iomláine, nó go tti sé amach ar bhur bpolláiribh agus go ráibh glonnmhar aguibh: do chionn gur tharcuisnigh sibh an tighearna, noch atá bhar measc, agus gur guileabhair dá lathair, gá rádh; Créad as a ttangamar amach as a Négipt?

21 Agus a dubhairt Maóíse, an pobal a bhfuilim na measc, atáid siad sé chéad míle coisighe, agus a dubhairt tusa, Do bhéura mé feóil dáoibh ar feadh míosa ré na hithe.

22 An muirfighear na tréada, agus na halbhadha dhóibh da sásadh, nó an ccruinneochthar íasc na fairge uile a bhfochair a chéile dhóibh da sásadh:

23 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóíse: an ndearnadh lámh an tighearna níos giorra? do chífe tú a nois an ttiocfa mfocalsa a gcrich dhuitsi, nó nach ttiocfa.

24 Agus do chuaidh Maóíse amach, agus do innis don phobal briathra an tighearna, agus do chruinnigheadar a bhfochair a chéile an seachdmhoghad do shinnsearuibh an phobuil, & do shuigheadar fá ccuáirt timchioll an tabearnacuil.

25 Agus táinic an tighearna a nuas a néull agus do labhair ris, agus do thóg cuid don spioraid do bhí air, agus tug don tseachdmhodhad séanóir é: agus tárla a nuáir do chomhnuidh an spiorad orrasan go ndearnadar fáigheadoireachd, agus nár stadadar.

26 Achd do fhanadar días do na dáoinibh annsa champa, is é dob ainm do dhuine aca Eldad, agus ainm an fhir eile Medad; agus do chomhnuidh an spiorad orra, agus do budh don luchd do bhí sciobhtha iad, achd ní dheachadar amach chum an tabearnacuil, agus do rinneadar fáigheadóireachd san champa.

27 Agus do rith duine, agus do innis do Mhaóíse, agus a dubhairt, Atá Eldad agus Medad ag fáigheadóireachd san champa.

28 Agus do fhreagair Josua mhac Nun serbhíseach Mhaóíse ón aois óig, agus a dubhairt sé, A thighearna a Mhaóíse, toirmisc iad.

29 Agus a dubhairt Maóíse ris, bhfuil tnúth ortsa ar mo shonsa: bfearr liom go mbeidís pobal an tigh na uile na bhfáighibh, agus go c feadh an tighearna a spiorad orra.

30 Agus do chuaidh Maóíse champa é féin agus sinnsir Israel.

31 Agus do chuaidh gáoth ón ttighearna, agus tug gearraguirt bhfairge, agus do léig síos láimh ccampa iad, mar do bheith sé láoi don táoibhle, agus uidhe láoi táoibh eile fá gcuáirt timchioll an c pa, agus timchioll dhá chubhad ar gnúis na talmhun.

32 Agus do sheasadar an pobal ar feadh an láoi sin, agus ar feadh boidhche, agus ar feadh an láoi ar mhárach, agus do chruinnigheadar gearraguirt: an té is lugha do cruin do chruinnigh sé deich homer, leathnuigheadar iad fá gcuáirt timch an champa uile dhóibh féin.

33 Agus an feadh do bhí an fós idir a bhfiaclaibh, agus fós mhe na cognadh, do hadhnadh an tighearna a naghuidh an phobuil, do bhuáil an tighearna an pobal pláigh romhóir.

34 Agus do ghoir sé Cibrot-hata dainm do náit, do chionn gur sin do adhlaiceadar an luchd air a an tainmhian.

35 Agus do aistrigheadar an pobal Cibrot-hataabhah go Haserot, agus fhosadar ann Haserot.

CAIB. XII.

Do liaighiseadh lubhra Mhiriam.

AGus do labhair Miriam agus A ron a naghaidh Mhaóíse ar na mná don Etiophia noch do sé; óir do phós sé bean do Ne pia.

2 Agus a dubhradar, An Mhaoíse amhain do labhair an tigh na, a né nach ar labhair sé thr mar an gcéadna: agus do chualuidh tighearna sin.

3 Annois do bhí an duine M romhacánta ós cionn a nuile dhuine raibh ar ghnúis na talmhan.

4 Agus do labhair an tigh go hobann ré Maóíse agus ré Ha agus ré Miriam, Tigidh amach ttriúr go tabearnacuil an chruinnighthe; agus ttangadar na ttriur.

5 Agus táinic an tighearna a a bpiléir néill, agus do sheas a rus an tabearnacuil, agus do Aáron agus Miriam, agus ta aráon amach.

6 Agus a dubhairt seision, éist-
igh annois mo bhriathra, matá fádh
ar measc, misi an tighearna foillseo-
chad mé féin dó a bhfis, agus laibheora
mé ris a naisling.
7 Mo sherbhiseach Maóise ni bhfuil
é mar sin, noch atá fírinneach measc
mo thighe uile.
8 Is rission laibheorus mé béul
ar bhéul, fós go soilléir, agus ní a
nglór dhorcha, agus do chífe sé cosamh-
lachd an tighearna: créud fá nach rabh-
abhairsi ar a nadhabharsin eaglach um
labhairt a naghaidh mo sherbhísigh
Maóisi.
9 Agus do las fearg an tighearna na
naghaidh, agus do imthigh sé uatha.
10 Agus do imthigh an néull ón
tabernacuil, agus féuch tháinic lúbhra
ar Mhiriam (coimhgheal) lé sneachda: a-
gus do fhéuch Aáron ar Mhiriam agus
féuch do bhí lubhra uirré.
11 Agus a dubhairt Aáron ré
Maóise, Uch a thighearna, iarruim
dathchuinge ort, ná léig an peacadh
orrainne ánn a ndearnamar go leamh, agus
ar pheacuigheamar.
12 Ná biodh sí so mar áon marbh; dá
ttriothann leath a fheola a nuáir thig
amach as broinn a mhathar.
13 Agus do éigh Maóise air an
tighearna, ga rádh, Slánuidh a nois í,
a Dhé, iarruim dathchuinghe ort.
14 Agus a dubhairt an tighearna ré
Maóise, muna ndearnadh a hathair achd
seile do theilgean na haghaidh, nach
biadh náire uirre seachd lá? curthar
ámach as an champa í seachd lá, agus
na dhiaigh sin glacthar a steach í.
15 Agus do cuirseadh Miriam ón
champa seachd lá, agus níor aistrighea-
dar cách nó gur tugadh Miriam a steach
a ris.
16 Agus na dhiaigh sin do áthruighea-
dar an pobal ó Haserot, agus do fhosa-
dar a bhfásach Páran.

CAIB. XIII.

Do chuireadar luchd rannsaghadh thír na geallamhna uadha.

AGus do labhair an tighearna ré Ma-
óise, dá rádh.
2 Cuir dáoine amach go spindis tír
Chanaáin noch do bheirimsi do chloinn
Israel: do gach éintreibh dá naithribh
chuirfeas tú duine amach, gach éanduine
na riaghlóir na measc.
3 Agus do chuir Maóise le haithne
an tighearna amach iad as fásach Phá-
ran: na dáoine sin uile do budh ceann
ar chloinn Israel.
4 Agus do budh iadso a nanmanna,
Do threibh Réuben, Sammua mhac Sac-
cur.
5 Do threibh Simeoin, Saphat mhac
Hori.
6 Do threibh Judah, Caleb mhac Je-
phunneh.
7 Do threibh Issachar, Igal mhac
Jóseph.
8 Do threibh Ephraim, Osea mhac
Nun.
9 Do threibh Benjamin Palti mhac
Raphu.
10 Do threibh Sebulun, Gaddiel mhac
Sodi.
11 Do threibh Joseph, eadhon,
do threibh Manasseh, Gaddi mhac
Súsi.
12 Do threibh Dan, Ammiel mhac
Gemalli.
13 Do threibh Aser, Setur mhac
Michael.
14 Do threibh Naphtali, Nahbi mhac
Uophsi.
15 Do threibh Gad, Gebhel mhac
Machi.
16 Is iad so anmanna na ndáoine, noch
do chuir Maóise amach do bhrath na
dúthaighe: agus do ghoir Maóise Je-
hosua do Osea mhac Nun.
17 Agus do chuir Maóise iad do
bhrath thíre Canaáin, agus a dubhairt
riú, gluaisigh romhuibh do náird ó
dheas, agus éirgidh suas ar a tsliabh.
18 Agus féachuidh créd é an fea-
rann, agus na dáoine aitreabhas ann, an
bhfuilid laidir nó lag, na mbeagan nó
na morán dáoine.
19 Agus créd is fearann é ann a
gcomhnuighid siad, an maith nó an olc
é, agus créad na caithreacha ann a nái-
tighid siad, an ann lóistínibh nó a náitibh
daingne áitighid.
20 Agus créd é an fearann féin,
an truagh é nó an méith, an bhfuil
coill ann nó nach bhfuil: agus bithisi
beódha, agus tugaidh libh cuid do tho-
radh na tire: annois do bé sin aimsir na
gcéadghrápuigheadh.
21 Marsin do chuadar suas, agus do
spionadar an tír ó fhásach Sin go Re-
hob, mar a ttigid dáoine go Ha-
mat.
22 Agus do chuadar suas budh
dheas go ttangadar go Hebron mar
a rabhadar Ahiman, Sesai, agus Tal-
mai, clann Anac: a nois do rinneadh
Hebron seachd mbliadhna roimhe Soan
sa Négipt.
23 Agus tangadar gus a nabhuinn
Escol, agus do ghearradar annsin
beangan fá éintriopall cáor fíneamh-
na, agus do iomchradar é idir dhís
air mhaide, agus tugadar leó do na
pomgránada, agus do na figidhe.
24 Do goireadh do naitsin gleann
Escol, do bhrígh an tríopuill cáor do
ghearradar clann Israel as sin.
25 Agus do fhilleadar ó spio-
nadh na tire, déis dhá fhichid
lá.
26 Agus do ghluaisiodar agus tan-
gadar go Maóise agus go Haa-
ron,

ron, & go comhchruínniughadh chloinne
Israel uile go fásach Pháran go Cades,
agus tugadar scéula chucasan, agus chum
an chomhchruinnigh uile, agas do thais-
beanádar toradh na tíre dhóibh.
27 Agus do innisiodar dhóibh, agús a
dubhradar, Tangamairne gus an ttír
ionar chuir tú sinn, agus go deimhin atá
si ar sileadh dó bhainne agus do mhil,
agus a sé so a toradh.
28 Gidheadh atáid na dáoine áitrea-
bhas annsa dúthaigh láidir, agus atáid
a gcathireacha do bhalladhuibh, agus táid
romhór: agus fós do chonncamar clann
Anac annsin.
29 Áitreabhuid na Hamalecitigh
annsa bhfearann táobh ó dheas: agús na
Hitítigh agus na Jebusítigh, agus na
Hamorítigh áitreabhas ar a tsliabh:
águs na Canaanitigh áitrebhas láimh
ris an bhfairge, agus láimh ré leithimeal
Jordáin.
30 Agus giodh gur shocruigh Caleb
an pobal a lathair Mhaóise, agus a du-
bhairt sé, Déanam súas a néinfeachd,
agus sealbhuigheam é, óir atámáod
cumusach air a bhuain amach.
31 Gidheadh na dáoine do chuaidh leis
súas, a dubhradar, Ni bhfuilmidne ion-
dula súas a nághaidh na ndáoine: óir
is láidre íad ná sinn.
32 Agus tugadar drochthuarusc-
bháil do chloinn Israel ar an ndúthaigh
noch do spíonadar, ga rádh; An fearann
thríd a ndeachamar da spíonadh, is ta-
lumh é íosas súas a áitreabhuigh; agus na
huile dháoine da bhfacamair ann, atáid
na dáoine árrachda.
33 Agus do choncamar annsin ai-
thigh mic Anac, is mó nó aithighe eile;
agus do bhádhmaine ann ar radharc
fein mar dhreóllánuibh teasbhuidh, agus
do bhámar ann a radharcsion fós mar
án ccéadna.

CAIB. XIV.

Ithiomrádh an phobail. 6 Ataid Josua agus Caleb díleas. 24 Noch dar gheall Dia maith dá chionn.

AGus do thóg an pobal uile a nguth ós
áird, agus do éigheadar, agus do
ghuileadar an pobal a noidhche sin.
2 Agus do rinneadar clann Israel uile
ithiomrádh a naghaidh Mhaóise agus a
naghaidh Aáron, agus a dubhradar an
comhchruinniughadh uile riú, Do bfearr
linn go bhfuigheamáois bás a ccrích na
Hégipte, nó do bfearr linn go bhfui-
ghemaois bás annsa bhfásach so.
3 Agus créd fa ttug an tighearna don
tírsi sin do thuitim leis an gcloidheamh,
chor go mbeidis ar mná agus ar cclann
na gcrích? nach ar bhfearr dhúinn fil-
leadh do Négipt.
4 Agus a dubhradar ré ar
déanam caiptin agus filleamh do
gipt.
5 Annsin do thuit Maóise agus
ar a naighthibh a lathair oireach
chomhchruinnighthe chloinne Israel
6 Achd Josua mhac Nun agus C
mhac Jephunneh, noch do bhí don
do fheuch an fearann, do réubád
néa duighe.
7 Agus do labhradar ré hoire
as chloinne Israel uile, dha rádh,
fearann ar ghabhamair thríd dá fhéa
is fearann íarmhaith é.
8 Matá dúil ag an ttighearna
inne, annsin béaruidh sé don dúth
si sinn, agus do bhéara dhuinn í;
tháigh noch líonas do bhainne ag
mhil.
9 Amháin ná héirghidhsi a ccog
naghaidh an tighearna, agus ná
eagla oruibh roimh dháoinibh
óir is arán dúinne íad: do dhea
ccumhdach riú, agus atá an tigh
linne: ná bíodh a neagla oruibh.
10 Achd do aithnigheadar an c
chruinniughadh uile a gclochadh le
uibh: & do thaisbein glóir an tigh
féin á ttabearnacuil an chomhchru
the a lathair chloinne Israel uile.
11 Agus a dubhairt an tighear
Maóise, Gá fad bhías an pobalso
feirge oram? agus gá fad nach c
mé ar son na nuile comharthadh
thaisbean mé eatorra?
12 Buáilfe mé íad lé pláigh,
beansa mé a noighreachd díobh,
dhéana mé dhíotsa cineadh is m
is neartmhuire ná íadsan.
13 Agus a dubhairt
ris an ttighearna, Achd cluin
Hégiptigh sin (óir thug tusa
amach ó bheith na measc léd
achduibh.)
14 Agus inneosuid siad do m
tir na tíresi é: óir do chualad
thighearna, go bhfuil tusa a me
phobailsi, go bhfaicthear thusa,
ghearna, aghaidh ar aghaidh,
mbí do néull ós a ccionn, ag
ttéid tú rompa san ló a bpiléur néill,
a bpiléur teinidh sa noidhche.
15 Annois má mharbhann tú an p
so uile mar éanduine, annsin la
ruid na críocha do chualuidh do tha
rádh.
16 Do chionn nach éidir leis a
ghearna na dáoinesi do thabhairt
tír do gheall sé dhoibh, uime s
mharbh se iad annsa bhfásach.
17 Agus annois íarruim dath
ort, bíodh cumhachda mo thigh
mór amhuil do labhair tú, da rádh.
18 Atá an tighearna fad
lingeach agus mórthrócaireach,
maitheamh éacceart agus péacaidh
gus gan an ciontach do sháoradh
éanchor, ag aithbhear péacaidh
maithre

[illegible]itbreadh ar an ccloinn go nuige
[illegible] treas agus an ceathramhadh
[illegible]in.
19 Maith, iarruim dathchuinge
[illegible] éacceart na ndaóinesi do réir
[illegible] do thrócaire ; agus mar do mhaith
[illegible] don phobalsa ó Négipt go ttí a
[illegible]
20 Agus a dubhairt an tighear-
[illegible], do mhaith mé do réir do bhréith-
[illegible].
21 Achd coimhdhearbhtha agus atáim-
[illegible] am bheathaidh, líonfuighear an do-
[illegible]an uile do ghlóir an Tighearna.
22 Do bhrígh na muinntiresi uile
[illegible]o chonnairc mo ghlóir agus mo ionganta
[illegible]o rinne mé sa Négipt, agus annsa
[illegible]fásach, agus do chuir cathughadh
[illegible]rm a nois deich nuáire, agus nár éisd
[illegible]en ghuth :
23 Go deimhin ní fhaicfid siad an
[illegible]ithuigh do gheall mé dá naithribh:
[illegible] fhaicfidh éainneach dhíobhso dar chuir
[illegible]org oram é.
24 Achd mo sherbhiseach Caleb,
[illegible]o chionn go raibh aithearrach spioraid
[illegible]ann, agus gur lean sé misi go hiom-
[illegible]án; béura mé eision don dúthaigh
[illegible]na ndeachaidh sé, agus sealbhochuid a
[illegible]liochd é.
25 (Annois do áitreabhadar na
[illegible]amalecítigh, agus na Cananítigh
[illegible]sa ghleann) Fillidhsi a márach agus im-
[illegible]ighidh don fhásach a slighe na mara
[illegible]aidhe.
26 Agus do labhair an tighearna ré
[illegible]aóise agus ré Háaron, gá rádh.
27 Gá fad íomchórus mé leis a
[illegible]drochphobalsa, noch do ní ithiomradh
[illegible]m aghaidh? do chúala mé íthiomrádh
[illegible]chloinne Israel, noch do níd do mhun-
[illegible]bhur am aghaidh:
28 Abair riú, Mar mhairim, a deir
[illegible]n tighearna, amhuil do labhrabhairsi
[illegible]m chluasuibhsi, is mar sin do dhéana misi
[illegible]ibh.
29 Tuitfid bhur cconablacha annsa
[illegible]bhfásachsa, gach ar háirmheadh dhibh
[illegible]o réir bhur nuibhre iomláine ó fhithchid
[illegible]liadhan dáois agus ós a chionn, do rinne
[illegible]hiomrádh am aghuidhse.
30 Gan chunntabhairt ní thiucfuidhe
[illegible]on tír a sleach a ttáoibh ar mhionna
[illegible]é go náitreochadh sibh innte, achd
[illegible]mhain Cáleb mhac Jephunneh, agus Jo-
[illegible]a mhac Nun.
31 Ach bhur náoidhin a dubhrabhair
[illegible]o bheith na gcreich, béara mé íad sin a
[illegible]each, agus aitheonuid siad an fearann,
[illegible]och do tharcuisnigheabhairsi.
32 Achd ar bhur sonsa tuitfid
[illegible]ur cconablacha annsa bhfásachsa.
33 Agus béid bhur gclann ar sea-
[illegible]ran annsa bhfásachso ceathrachad blia-
[illegible]an, agus íocfuid ar lon bhur striap-
[illegible]chuis, nó go leaghaid bhur ccuirp
[illegible]sa bhfásach.
34 Do réir uibhre na laétheadh a
rabhábhair ag féuchuin a nfearuinn,
ceathrachad lá, (gach éanlá ar son bli-
adhna) iomchorthaoi bhur néicceart, sé
sin ceathrachad bliadhan, agus aitheon-
taoi mo bhriseadh geallamhnasa.
35 Misi an tighearna a dubhairt, do
dhéana mé go deimhin é ris a ndroch
chomhchruinniughadhso uile, noch atá ar
na gcruinniughadh a ccionn a chéile ám
aghuidh: annsa bhfásachso tuitfid siad,
agus annsin báiseochthar íad.
36 Agus na dáoine do chuir Maóise
dféachuin a nfearuinn, noch do fhill
agus tug air an gcomhchruinniughadh
ithiomrádh do dhéanamh iona aghaidh
lé droch thúarusgbháil do thabhairt air
an bhfearann ;
37 An mhuinntir chéadna sin thug
leó an droch thúarusgbháil ar an ttír,
fuaradar bás don phláigh a lathair an
tighearna.
38 Achd Iosua mhac Nun agus Cáleb
mhac Jephunneh (noch ba) don luchd do
chuáidh dféachuin a nfearuinn, do
mhaireadar a gcomhnuighe.
39 Agus do innis Maóise na briath-
raso do chloinn Israel uile, agus do cáoi-
dheadar an pobal go mór.
40 Agus do éirgheadar an pobál go
moch ar maidin, agus do chúadar súas
go mullach an tsléibhe, gá rádh, Féuch
atámáoid annso, agus racham súas go
nuige a náit do gheall an tighearna:
óir do pheacuigheamar.
41 Agus a dubhairt Maóise, créd a
nois fá saruighthigh aithne an tighearna?
ach ní bhiá maith dhibh ann,
42 Ná héirgidhe súas, óir ní bhfuil
an tighearna bhar measc, chor nach
buailtear sibh as coinne bhur namhad.
43 Oír atáid na Hamalecítigh agus
na Cananítigh annsin romhuibh, agus
tuitfidhe leis an gcloidhiomh: do chionn
gur hionntóigheabhair ón tighearna;
uime sin ní bhia an tighearna libh.
44 Ach do chuireadarsan rompa dul
súas go mullach an chnoic: gidheadh
níor imthigh Airc chunnartha an ti-
ghearna, ná Maóise, amach as an
ccampa.
45 Ansin tangadar na Hamalecítigh a
núas agus na Cananitigh, noch do
chomhnuigh san chnocsin, agus do
bhuaileadar íad, agus do bhrisiodar orra
air fad go Hormah.

CAIB. XV.

Na hofrala bheuraid leó, an tan tiucfuid don tír chomhnuighe. 30 Smachd ar a pheacadh dhán. 32 Agus ar bhriseadh na Sabboide.

AGus do labhair an tighearna re Má-
oise, dá rádh;
2 Labhair re cloinn Israel, agus abair
riu,

riú, a nuáir thiucfuidhe da bhur ttír
chomhnuidhe, noch do bheirimse
dháoibh.
3 Agus do dhéantáoi ofráil le teinidh
don tighearna, ofráil loisgthe, nó iodh-
buirt a gcoimhlíonadh móide, nó a
nofráil thoileamhuil, nó ann bhur bhféa-
stuibh sollamanta, do dhéanamh dea-
ghbhólaidh don tighearna, do nealbhdha
nó don tréud:
4 Annsin an té ofrálas ofráil don
tighearna, béuruidh leis ofráil bhídh
do dheachmhadh cuid do phlúr cu-
maisgthe le ceathramhadh do hin
ola.
5 Agus gléusfa tú ceathramhadh do
hin fhíona mar ofráil dighe, maille re
hofráil loisgthe nó lé híodhbuirt, ar
son gach uain.
6 Nó ar son reithe, gléasfa tú mar
ofráil bhídh dhá dheachmhadh cuid do
phlúr cumaisgthe leis an treas cuid do
hin ola.
7 Agus ofrála tú mar ofráil dighe an
treas cuid do hin fhíona mar bholadh
chumhra don tighearna.
8 Agus a nuáir ghléasfas tú bulóg
mar ofráil loisgthe, nó mar íodhbuirt a
ccoimhlíonadh móide, ná ofrála síodha
don tighearna:
9 Annsin do bhéura sé maille lé bu-
lóig ofráil bhídh leis do thrí dheach-
madh cuid do phlúr cumaisgthe le
leath hin dola.
10 Agus do bhéura tú leachd mar
ofráil dighe leath hin dfíon mar ofráil
déanta lé teinidh do bholadh chumhra
don tighearna.
11 Mar so do dhéantar ar son éan-
bhuloige, no ar son éinreithe, nó ar
son úain nó meannáin.
12 Do réir na huibhre do ghléas-
fuidhe, mar sin do dhéantáoi ris gach
áon do réir a uibhre.
13 An mhéid rugadh don tír, do
dhéanuid uile na neithesi mar so, ag
ofráil ofrála déanta lé teinidh do bho-
ladh chumhra don tighearna.
14 Agus má thig coimhidhtheach do
chomhnuighe eadruibh, nó gidh bé ar
bith bhías bhar measc ann bhur ngei-
nealachuibh, agus ofrálfus ofráil déanta
lé teinidh do bholadh chumhra don ti-
ghearna: mar dhéantáoise, seadh do
dhéana seision.
15 Eánórdughadh amháin bhías orui-
bhsi don chomhchruinniughadh, agus
mar an gcéadna don choimhidhtheach
chomhnuigheas (bhur measc) órdughadh
síorruidhe ann bhur sliochd: mar tá-
tháoise, is mar sin bhías an coimh-
idhtheach a lathair an tighearna.
16 Eándlígheadh agus éanmhodh bhías
aguibh, agus ag an ccoimhidhtheach
chomhnuigheas maille ribh.
17 Agus do labhair an tighearna ré
Maóise, dhá rádh.
18 Labhair re cloinn Israel agus
abair riú, a nuáir thiocfuidhe don
thaigh a mbéara misi sibh.
19 Annsin is amhluidh bhías, a
íosfáoi darán na tíre, ofráilfidhe
thógtha don tighearna.
20 Ofráilfidhe súas cáca don chead
dá bhur ttáos mar ofráil thógtha:
do níthí ofráil thógtha don lár
bhuáilthe) mar sin thóigfighe é.
21 Don chéad chuid dá bhur
do bhéarthaoi don tighearna
thógtha ion bhur sleachduibh.
22 Agus má rinneabhair fea
agus nach ar choimhéadabhair na
aithne noch do labhair an tighearna
Maóise,
23 A nuile ní dar aithin an ti
na dhíbh re láimh Maóise; ón
aithin an tighearna do Mhaóise,
so amach a measc bhur ngeineal
24 Annsin is amhlaidh bhías,
thear éainní tré aínbhfios gan
chomhchruinniughadh, go
an pobal uile éanbhulóg óg
ofráil loisgthe, mar bholadh
dón tighearna, maille lé na ofráil
agus ofráil dighe do réir a nord
agus éanmheannán do na gabhruib
ofráil pheacaidh.
25 Agus do dhéana an sagart
ar son chloinne Israel uile, agus
fighear dhóibh uile é, óír is ain
águs do bhéaruid a nofráil leó,
buirt dhéanta lé teinidh don ti
agus a nofráil pheacaidh a lathair
ghearna ar son a nainbhfios.
26 Agus maithfighear do
chruinniughadh chloinne Israel
agus don choimhidhtheach chom
chus na measc, ó thárla don
uile bheith a nainbhfios.
27 Agus má pheacuigheann
bith tré ainbhfios, annsin do bhé
leis gabhar bainion don chéidbl
mar ofrál pheacaidh.
28 Agus do dhéana an sagart
ghníomh ar son a nanma pheac
go hainbhfiosach, a nuáir do
peacadh go hainbhfiosach a lath
tighearna, do dhéanamh lóirghní
a fhon, agus maithfighear dhó é.
29 Eándlígheadh amháin bhías
don té pheacuigheas tré ainbhf
ráon don té béarthar a measc ch
Israel agus don choimhidhtheach
mhnuigheas na measc.
30 Achd an tanam do ní éain
handóthchusach, más don tír é
mhidheach, sgannluigh sé an ti
agus gearrfhuighear an tanamsin
a dhaóine.
31 De chionn gur tharcuisnigh
briathar an tighearna agus gur
a aithne, gearrfuighear an tanam
thríd amach; biáidh a olc air féin.
32 Agus an fad do bhádar
Israel annsa bhfásach, fúaradar
do cruinnigh maideadha annsa t

33 Agus an luchd fuáir ag cruinni-
adh múideadha é, thugadar é chum
oiʃe agus chum Aaron agus chum an
mhchruinnigh uile.
34 Agus do chuireadar a láimh é,
dóigh nar foillʃiughadh cread do
éantaoi ris.
35 Agus a dubhairt an tighearna re
ʃe, cuirfighear an tóglach go dei-
in chum báis, clochfuid an comh-
ruinniughadh uile lé clochuibh é táoibh
mach don champa.
36 Agus tugadar an coimhthionól
táobh amach dón champa é, agus do
chadar lé clochuibh é, agus do éug
mar do aithin an tighearna do Mha-
ʃe.
37 Agus do labhair an tighearna ré
oiʃe, dhá rádh.
38 Labhair ré cloinn Iʃrael agus
abair dhóibh go ndéandáois fabhra a
aibh a néadnigheadh ar feádh a
ginealach, agus cuirid ruibín gorm
fabhradhuibh a nimil.
39 Agus biáidh ʃé aguibh na bhfabh-
adh, chór go bhfeachtáoi áir, agus
go mbia ʃé aguibh mar chuímhne ar
aitheantuibh an tighearna, agus go ndéan-
ai dhí réir, agus nach leantáoi lorg
bhur gcroidhtheach féin agus bhur ʃúl
a ndiáigh a ngnáthuigheann ʃibh
ul do ʃtriapachus.
40 Ionnus go ccuimhneochtháoi agus
go ndéantáoi maitheanta uile, agus go
mbía ʃibh náomhtha da bhur Ndía.
41 Miʃi an tighearna bhur Ndía, noch
thug amach ʃibh as crích na Hégipte
chum beith mo Dhía aguibh: miʃi an
tighearna bhur Ndía.

CAIB. XVI.

Ceannairc Chorah, Datan ⁊ Abiram, 31
agus na ʃmachdughadh gu geur. 41
agus ithiomrádh 14700 *do lean an lorg.*

Anois Córath mhac Iʃar mhic Co-
hath mhic Lébhi, agus Dátan agus
Abiram mic Eliab, agus On mhac Pé-
leth mhic Réuben, do ghlacadar chuca
dóine.
2 Agus déirgheadar ʃúas a lathair Mha-
oiʃe maille re cuid áirigh do chlann-
aibh Iʃrael, dhá chéud agus cáogad pri-
onsa don choimhthionól, óirdheirc ann-
sa chomhchruinniughadh, dáoine ainm-
amhla.
3 Agus do chruinnigheadar íad féin
a ccionn a chéile a naghaidh Mháoiʃe,
agus a naghuidh Aáron, agus a dubhradar
riu; Is mór ghabhtháoiʃe oruibh féin ó
tarla an chomhchruinniughadh uile ná-
omhtha, gach aon díobh, agus an tigh-
earna na meaʃc; ar a nadhbharʃin créd
a ccurtháoiʃi ʃibh féin ʃúas ós cionn pho-
bail an tighearna?
4 Agus a nuair do chúalaidh Máoiʃe
é, do thuit ʃé ar aghaidh.

5 Agus do labhair ʃé re Córah agus
ré na chuideachduin uile, dhá rádh:
a márach féin taisbeanfuidh an tighearna
cía is leis, agus cia atá naomhtha; a-
gus do bhéara air teachd láimh ris: an
té ʃin féin do thogh ʃé, is air do bhéara
teachd a ngar dhó.
6 Déanuidhʃi ʃo, glacaidh ʃionʃuidhe
chugaibh, Córah agus a chuideachda uile.
7 Agus cuiridh teinidh ionta, agus
cuirfidh túis ionta a lathair an tigh-
earna a márach: agus is amhluidh bhías,
gidh bé duine thoghas an tighearna, biaidh
ʃé naomhtha: gabhann ʃibh a niomar-
cuigh oruibh féin, a chlann Lébhí.
8 Agus a dubhairt Máoiʃe re
Córah, guidhim ʃibh, éiʃtigh a chlann
Lebhi:
9 An ʃaoilti gur ní gan éiʃeachd mar
do dhealuigh Dia Iʃrael ʃibhʃi ó chomh-
chruinniughadh Iʃrael da bhur ttabhairt
a ngar dhó féin, do dhéanamh ʃerbhíʃe
thabernacuil an tighearna, agus ʃeaʃamh
a lathair an chomhchruinnigh do fhrio-
tholamh dhóibh?
10 Agus thug ʃé thuʃa a bhfogus dó,
agus do dhearbhráithre uile mic Lé-
bhi maille riot; agus an bhfuiltí ag
íarruigh na ʃagartachda mar an gcéadna?
11 Ar ʃon na cúiʃeʃin, thuʃa agus
do cuideachda uile do chruionigheа-
bhair ʃibh féin a ccionn a chéile a
naghuidh an tighearna: agus créd é
Aáron as a ndéantaoi ithiomrádh na
aghaidh?
12 Agus do chuir Máoiʃe gairm ar
Dhátan agus air Abiram, clann Eliab,
noch a dubhairt, Ní rachuimne ʃúas.
13 An ní gan éaiʃeachd go ttúg tu-
ʃa ʃinn as dúthaigh líonas do bhainne a-
gus do mhil, dar marbhadh annʃa bhfá-
ʃach, acht muna ndéana tú prionnʃa
dhíot féin thríd amach ós ar ccionn?
14 Tuilleamh fós, ní thug tú ʃinn go
tír líonus do bhainne agus do mhil, a-
gus ní mó thug tú oighreachd fearuinn
nó fíneamhna dhúinn: an gcuirfe tú
ʃúile na ndáoine amach? ní rachuimne
ʃúas.
15 Agus do bhí Máoiʃe rofheargach,
agus a dubhairt ris an tighearna, Ná ta-
bhairʃi meas ar a nofráil ʃo; níor bhean
miʃi éanaʃʃal ámhain díobh, agus ní mó
do ghortuigh mé áon aca.
16 Agus a dubhairt ré Córah, bídhʃi
agus do chuideachda uile a lathair an ti-
ghearna a márach, thuʃa agus íadʃan a-
gus Aáron.
17 Agus glacadh gach aon aguibh
ʃionnʃa, agus cuiridh túis ionta, agus
tugadh gach áon aguibh a ʃhionnʃa féin
a lathair an tighearna, dhá chéad agus
caogad ʃionʃa; thuʃa mar an gcead-
na agus Aáron gach áon aguibh a ʃhi-
onnʃa.
18 Agus do ghlac gach áon áca a
ʃhionnla, agus do chuir teinidh ionta,
agus do chúireadar túis ar an

ttheinidh, agus do ſheaſadar a ndorus
thabernacuil an chomhchruinnigh, maille
re Máoiſe agus Aáron.
19 Agus do chruinnigh Córah an
comhchruinniughadh uile na naghaidh
go dorus thabernacuil an chomhchruinn-
igh, agus do foillſiughadh glóir an ti-
ghearna don chomhchruinniughadh uile.
20 Agus do labhair an tighearna re
Máoiſe agus ré Haaron, dá radh.
21 Dealuighidh ſibh féin as lár an
phobailſi, go ſgrioſa mé iad a mói-
ment.
22 Agus do thuiteadarſan ar a na-
ghaidh agus a dubhradar, A Dhé, Dia
ſpiorad gach uile fhéola, an bpeacóch-
uidh áonduine amháin, agus an mbia tú
feargach ris an bpobal uile?
23 Agus do labhair an tighearna re
Máoiſe, dhá rádh,
24 Labhair ris an gcomhchruinniugh-
adh, dhá rádh, éirgidh ſúas o bheith a
ttimchioll thabearnacuil Chóradh, Dhá-
tan, agus Abíram.
25 Agus déirigh Máoiſe ſúas, agus do
chuaidh go Dátan agus go Habíram,
agus do leanadur ſinnſir Iſrael uile
é.
26 Agus dó labhair ſé ris an bpo-
bal, gá rádh, Guidhim ſibh dealuighe
ſibh féin ó loiſtinibh na ndrochdháoine-
ſe, agus ná buáinidh ré héanni is leó,
deagla go muirfidhe ſibh uile iona bpea-
cuibhſion.
27 Mar ſin déirgheadar ſúas ó tha-
bérnacuil Chorah, Dhátan agus Abí-
ram ar gach éantáoibh, agus tháinic
Dátan agus Abíram a mach, agus do
ſheaſadar a ndorus a lóiſtin, agus a mná
agus a mic, agus a cclann bheag.
28 Agus a dubhairt Máoiſe, leis ſo
aitheontaoi gur chuir an tighearna
miſi do dhéanamh na noibhreachſo
uile: óir ni dhéarna mé iad as minn-
tinn féin.
29 Má gheibhid ſo bás coitcheann
a nuile dhuine, nó más mar thiocthear
ar na huile dháoinibh thiocfuighear
orra, ann ſin ní hé an tighearna do
chuir miſi úadh.
30 Ach má ni an tighearna ni núadh,
agus go bhfoiſceoluidh an talamh a
bhéul, agus a ſlugadh ſúas gun a nuile
ni dhá mbeanann riú, agus go ra-
chaid ſíos beó annſa pholl, annſin
tuigſidhe gur chuireadar an mhuinntirſe
fearg air an ttighearna.
31 Agus tarla mar do ſguir ſé
do labhairt na mbriatharſo uile, gur
ſcoilt an talamh do bhí futha ó
chéile.
32 Agus dfoſcuil an talamh a
bhéul, agus do ſhluig ſúas iad féin,
agus a ttighthe, agus a nuile dhuine
dar bhain re Corah, agus a máoin
uile.
33 Iad féin agus an mhéid do
bhean riú, do chuadar beó ſíos annſa
bpoll, agus do dhruid an talamh ar a
muin, agus do éugadar as lár an chomh-
chruinnigh.
34 Agus do theitheadar na Hiosra-
elitigh uile do bhí na ttimcioll fa gca-
áirt roimh a néigheamh: óir a dubhra-
dar, deagla go ſluighfiodh an talamh
ſinne mar an ccéadna.
35 Agus táinic teine a mach ón
ttighearna, agus do loiſc an dá
chéad agus an cáogad do ofráil an
túis.
36 Agus do labhair an tighearna re
Máoiſe, dhá rádh.
37 Labhair lé Heleáſar mhac Aáron
an ſagart, na ſionnſuidhe do thógbháil
ſúas as an loſcadh; agus ſpréigh ſé
an teine ann ſúd: óir atáid náomh-
tha.
38 Sionnſuidhe na bpeacachſo a na-
ghuidh a nanmann féin, déantar plát-
dhe leathna dhiobh mar fholach do
naltóir: óir do ofráladar iad a lathair an
tighearna; uime ſin atáid náomhtha, &
béid na ccomhartha do chloinn Iſrael.
39 Agus do tóg Eleáſar an ſagart
na ſionnſuidhe práis le ndeárnadar
an luchd do loiſceadh, ofráil, agus do
rineadh plátaidhe leathna dhíbh mar
fholach do naltóir:
40 Chum a mbeith na ccuimhne do
chloinn Iſrael, iondus nach dtiocfadh
éanchóimhidheach nach do ſhíol Aáron
dofráil túiſe a lathair an tighearna; chor
nach biaidh ſé mar Chórah, agus mar a
chuideachduin, mar do ráidh an tigh-
earna ris le láimh Mháoiſe.
41 Achd ar na mhárach do rinnadar
comhchruinniugadh chloinne Iſrael ge-
ithiomrádh a naghaidh Mháoiſe agus
Aáron, ga rádh, do mharbhabhar
muinntir an tighearna.
42 Agus tárla a nuair do chruinnigh-
eadar an pobal uile a naghuidh Mha-
óiſe agus a naghaidh Aáron, gur fhé-
uchadar leath ré tabernacuil an chomh-
chruinnigh, agus féuch, do fholuigh an
néull é, agus do thaisbéin glóir an
tighearna.
43 Agus tháinic Máoiſe agus Aá-
ron as coinne thabernacuil an comh-
chruinnigh.
44 Agus do labhair an tighearna re
Máoiſe, dhá rádh.
45 Éirigh amach ás an gcuideachda
go mbaſuighe miſi iad a moiment; agus
do thuiteadarſan ar a naghaidh.
46 Agus a dubhairt Máoiſe re Haá-
ron, glac ſionnſa agus cuir teinidh air
ón naltoir, agus cuir túis uirré agus eí-
righ go lúath chum an chomhchruinnigh
agus déana loirghníomh ar a ſon: óir
do chuaidh dioghaltas amach ón tigh-
earna: do thionſguin an phláigh.
47 Agus do ghlac Aáron mar a dubh-
airt Máoiſe ris, agus do rith a lár an
phobail, agus do bhí an phláigh ar dtoſ-
ſughadh a meaſc án phobail, agus do
chuir

chuir tuis chuige, agus do rinne ſíth ar
ſon an phobail.
48 Agus do ſheas ſé eidir na beó-
dhaibh agus na marbhuibh, agus do coiſ-
ceadh an phláigh.
49 Annois an mhéid déug don
phláigh, do budh ceithre mhíle dhéug
agus ſeachd gcéud, leath amuigh don
mhuinntir déug ſa chúis Chórah.
50 Agus do fhill Aáron chum
Maóiſe go dorus thabernacuil an
chomhchruinnigh, águs do coiſceadh
an phláigh.

CAIB. XVII.

Tug Dia ar ſlat Aaroin blátha do chur uaithe, 10 mar chuimhne gurab ſine Lebhi do thogh ſé chum na Sagartachd.

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óiſe, dhá rádh,
2 Labhair re cloinn Iſrael, agus glac
ſlat ó gach éanduine aca do réir tighe
a naithreadh, ó na bprionnſuidhibh uile,
do réir tighe a naithreadh, dhá ſhlait
déug: ſcríobhſa ainm gach éanduine ar
a ſhlait féin.
3 Agus ſcríobhtha tú ainm Aáron ar
ſhlait Lebhi: óir budh éanſlat amháin
bhias ag ceann tighe a naithreadh.
4 Agus cuirfe tú ſúas íad a tta-
bernacuil an chomhchrúinnigh, a lá-
thair na fiadhnuiſe mar a tteigeamha
miſi riot.
5 Agus tiucfa a ccrích go ttiucfa bláth
air ſhlait an té thoighfeas miſi: agus
do bhéara miſi ſa deara go ſcuirfidh
ithiomrádh chloinne Iſrael díom, lé
ndéanuid ithiomrádh bhur naghaidhſi.
6 Agus do labhair Maóiſe ré cloinn
Iſrael, agus tug gach áon da bprionn-
ſuidhibh ſlat dhó: áon ar ſon gach éain-
phrionnſa do réir tighe a naithreadh,
dhá ſhlait déug, agus do bhí ſlat Aáron
a meaſc a ſlat.
7 Agus do chuir Maóiſe na ſlata
ſúas a lathair an tighearna a ttabear-
nacuil na fiadhnuiſe.
8 Agus tárla ar na mhárach go ndea-
chuidh Maóiſe go tabearnacuil na fi-
adhnuiſe, agus féuch do bhi ſlat Aáron
ar ſon tighe Lébhi ar ngéagadh amach,
agus tug uaithe máothain agus blátha,
agus tug almóinne uaithe.
9 Agus do thug Maóiſe na ſlata
uile amach ó lathair an tighearna, chum
cloinne Iſrael uile, agus do fhéachadar,
agus do ghlac gach neach dhíobh a
ſhlat féin.
10 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóiſe, Tabhair ſlat Aáron a rís a la-
thair na fiadhnuiſe dá taiſcidh mar cho-
mhartha a naghaidh na gcogthach; a-
gus tóigſe tú thrid amach a monabhar
dhíomſa go nach báſuighthear íad.
11 Agus do rinne Maóiſe ſin; mar
do aithin an tighearná dhe, is mar
ſin do rinne ſé.
12 Agus do labhradar clann Iſrael
re Maoiſe, gha rádh; féuch atámaoid
ag éug, dó imighiomair ſeachad, do
chúadhmar uile ſeachad.
13 Gidh bé ar bith thiucfas a ngoi-
re do thabearnacuil an tighearná do
gheabha ſé bás: an ccnaoidhfighear
ſinne lé báſughádh?

CAIB. XVIII.

Cúram na nſagarta. 6 fritheoladh na nLebhiteach. 9 Fiach-ſaothair na nſagart. 21 agus na nLebhiteach.

AGus a dubhairt an tighearna re
Háaron, iomchora tuſa agus do
mhic agus tigh hathar maille leachd
éigceart na ſanctóra: agus iomchora
tuſa agus do mhic maille leachd aind-
ligheadh bhur ſagartachda:
2 Agus dó dhearbhráithre mar an
ccéadna do threibh Lébhi, treabh ha-
thar, tabhairſi leachd íad go niaghthar
leachd íad, agus go ndéanuid fritheolamh
dhuit: achd do dheána tuſa agus do
chlann maille riot miniostraláchd as co-
inne thabearnacuil na fiadhnuiſe.
3 Agus coimheadſuid ſíad do chú-
ram agus cúram an tabearnacuil uile:
achd amháin ní thiucſaid a ngar ſoi-
theach na ſanctóra, agus na haltórá, go
nach néugaid ſíadſan, ná thuſa mar an
gcéadna.
4 Agus ceangoltar leachd íad, águs
coimheadſuid cúram thabearnacuil an
chomhchruinnigh, do dhéanamh ſerbhiſe
an tabearnacuil uile: agus ní thiucfa coi-
mhidhtheach bhar ngoire.
5 Agus coimhéadſuidhe cúram na
ſanctóra agus cúram na haltóra, go
nach biáidh feaſda fearg ár bith os
cionn chloinne Iſrael.
6 Agus miſi, féuch rug mé bhur
ndearbhraithre na Lebhitigh ó bheith a
meaſc chloinne Iſrael: dhuitſi tugadh
íad mar thabhartas don tighearna, do
dhéanamh ſerbhiſe thabernacuil an
chomhchruinnigh.
7 Ar a nadhbharſin coimhéudſa tu-
ſa agus do chlann maille riot oifig
bhur ſagartachda an gach éinni do nal-
tóir, agus táobh a ſtigh don bhrat,
agus do dhéantáoi ſerbhis: thug mé
bhur noifig ſhágartachda dháoibh mar
ſherbhis thiodhlaicthe: agus an coimh-
idhtheach thiucfas a ngar, cuirfighear
chum bais é.
8 Agus do labhair an tighearna re
Haaron, féuch, thug mé dhuit mar an
ccéadna cúram moſrála tógtha do nuile
ní náomhtha chloinne Iſrael; dhuitſi thug
mé iad do bhrígh a nungtha, agus dod
mhacaibh, re hordughadh ſíorruidhe.

9 Budh

9 Budh leachtſa ſo do na neithibh
ronáomhtha (do congmhadh) on teinidh:
gach uile ofráil is leóſan, gach uile
ofráil bhídh is leóſan, gach ofráil
pheacaidh is leóſan, agus gach ofráil
aindlighidh is leóſan, noch do bhéuruid
dhamhſa, biáidh ſi ronáomhtha dhuitſi,
agus dod mhacaibh.
10 Annſa náit is ronáomhtha íoſas tú
ſin, gach áon feardha íoſas é: biáidh
ſé náomhtha dhuit.
11 Is leachtſa ſo mar an ccéadna;
ofráil thógtha a dtiodhluicthe, maille re
nuile ofrála thonnta chloinne Iſrael: thug
mé dhuitſi iad, agus dod mhacaibh agus
dod ingheanuibh maille riot, lé ſtatúid
ſhíorruidhe: gach áon dá mbía glan ann
do thigh, íoſuidh ſé dhe.
12 A nuile chuid is fearr do nola
agus a nuile chuid is fearr don nfíon,
agus don chruithneachd, a gcéadthoradh
ſin noch ofráilfid don tighearna, thug
mé iad ſin duitſi.
13 Agus gidh bé is táoſca bhías
abuidh annſa dúthuigh, noch do bhéur-
uid chum an tighearna, budh leachtſa
ſin, gach áon dá mbiá glan ann do thigh,
íoſuidh ſé dhe.
14 A nuile thiodhlaicthe náomhtha an
Iſrael budh leaſchtſa iad.
15 A nuile ni fhoſclas an bhrú, annſa
nuile fheóil noch bheirid ſiad chum an
tighearna, mas do dháoinibh nó do bhea-
thachuibh, budh leachtſa iad; gidheadh
céidghin an duine fuáiſceola tú go dei-
mhin, agus céidbhreith na mbeathach
neamhghlan fuáiſceola tú.
16 Agus an mhéid bhías ré a bhfúaſ-
cladh ó mhí dáois, fuáiſceola tú iad do
réir do mheaſta féin, ar airgiod chúig
ſecel, do réir ſecel na ſancthóra, noch
is fithche Gerah.
17 Achd céadláogh bó, nó céadúan
cáorach, no cédmheannan gabhair, ní
fhuáiſceola tú, ataid ſin náomhtha: cro-
ichſe tú a bhfuil ar a naltóir, agus loiſg-
ſe tú a méathas mar ofráil déanta lé
teinidh, mar bholadh chumhra don ti-
ghearna.
18 Agus budh leachtſa a bhfeoil ſin,
amhuil is léachd an cliathán tonnach a-
gus an ſlinnéun deas.
19 A nuile ofráil thógtha do nei-
thibh naomhtha, noch ofráluid clann
Iſrael don tighearna, thug mé dhuitſi
agus dod mhacaibh agus dod inghea-
nuibh maille riot le ſtatúid ſhíorruidhe:
is connradh ſalainn é go bráth a lathair
an tighearna dhuitſi agus dod ſhíol ma-
ille riot.
20 Agus do labhair an tighearna ré
Háaron, ní bhiáidh oighreachd ar bhith
agad iona ndúthaighſion, ni mó bhías
roinn ar bith agad na meaſg: is miſi
do chuidſi agus hoighreachd a meaſg
chloinne Iſrael.
21 Agus féuch, thug mé do chloinn
Lebhi a nuile dheachmhadh a Niſrael
mar oighreachd ar ſon a ſerbhiſe do
nid, mar atá ſerbhis thabearnacuil an
chomhchruinnigh.
22 Ní mó thiucfaid clann Iſrael feaſ-
da a ngar thabearnacuil an chomh-
chruinnigh, deagla go ndéanaidís peac-
adh, agus go bhfuighedís bás.
23 Achd na Lebhítigh dhéanas ſerbhís
thabearnacuil an chomhchruinnigh, agus
iomchóruid ſiad á ccionta: budh ſta-
túid ſhíorruidhe ſin a meaſg bhar ngi-
nealach nach bhfuighid oighreachd ar
bith a meaſc chloinne Iſrael.
24 Achd deachmhacha chloinne Iſrael,
noch ofrálaid ſiad mar ofráil thógtha
don tighearna, thug mé ſin do na Le-
bhítibh mar oighreachd: ar a nadh-
bharſin a dubhairt mé ríu, ní bhfuighid
oighreachd ar bith a meaſg chloinne
Iſrael.
25 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, gá rádh.
26 Labhair mar ſo ris na Lebhítibh,
agus abair riú, a nuáir bheanfuidhe na
deachmhacha do chloinn Iſrael, noch
thug miſi dhíbh mar oighreachd uatha-
ſan; annſin ofráilfidh ſibh ofráil thóg-
tha dhe ſin don tighearna, an deach-
mhadh cuid don deachmhuidh.
27 Agus a nofráil thógtha ſo aguibhſi,
coimeorthar chugaibh í mar arbhar u-
láir an bhuáilte, agus iomláine ſhoithigh
brúite an nfíona.
28 Mar ſo ofráilſe ſibhſe fós ofráil
thógtha don tighearna da bhur nuile
dheachmhuidh, noch ghlacfuidhe ó chlo-
inn Iſrael, agus do bhéartháoi dhe ſin
ofráil thógtha an tíghearna do Áaron a
ſagart.
29 Amach as bhur nuile thabhartuis
ofráilſe ſibh a nuile ofráil thógtha an
tighearna, da uile mhéathas ſin [ofráil-
fidh] an chuid náomhtha dhe.
30 Uime ſin déara tú riú, a nuáir
thoigfeas tú an chuid is fearr dhe ſin
uadh; anſinn coimheorthar do na Lebhí-
tibh é mar bhiſeach urláir an bhuáilte,
agus mar bhiſeach ſhoithigh brúite an
nfíona.
31 Agus íoſtáoi é ann gach áonbhall
ſibh féin agus bhur dteaghlach: óir is
lúach bhur ſerbhiſe a ttabearnacuil an
chomhchruinnigh é.
32 Agus ní bhía peacadh ar bith
oruibh da bhrígh ſin a nuáir thóigfeas
dhe an chuid is fearr dhe; ní mó
thrúailleochtáoi neithe náomhtha chlo-
inne Iſrael, deagla go néugfadh ſibh.

CAIB XIX.

*An glanadh do dhéanta le luáithe na colpa-
dhe loiſcthe 11 An cor ar a ngnáith-
thear ſiad.*

AGus do labhair an tighearna ré Ma-
óiſe agus ré Háaron, gá rádh.
2 Sé ſo ordughadh an dlighe, noch
aithin an tighearna, gá rádh, labhair ...

doinn Israel go ttugdáois chugad colpach
bhainnean dheargbhuidhe gan toibhéim,
ann nach bía cron, agus ar nar cuireadh
cuing a riamh.
3 Agus do bheartháoi Deleásar an sa-
gart i, chor go ttugadh sé amach as
an ccampa í, agus go marbhadh áon í
ann a fiadhnuise.
4 Agus glacfuidh Eleásar an sagart
dí fuil le na mhéur, agus croithfidh
a fuil go díreach as coinne thabearna-
cuil an chomhchruinnigh seachd nuáire.
5 Agus loiscfidh (áon) an cholpach ann
a radharc; a croicionn, agus a feoil, agus
a fuil maille ré na háoileach loiscfeas sé.
6 Agus glacfuidh an sagart crann
céadair, agus isóip, agus scárláoid, agus
caithfidh é a lár loiscthe na colpuidhe.
7 Annsin nighfidh an sagart a éa-
dach, agus fothraicfidh a chorp a nuisge,
agus na dhiáigh sin tiucfaidh sé don
champa, agus biáidh an sagart neamh-
ghlan, go tráth nóna.
8 Agus an té loisgfeas í nighfidh sé
a éadach a nuisge, fothruicfidh a chorp a
nuisge, & biáidh neamhghlán go tráthnóna.
9 Agus cruinneochuidh duine bhías
glan luaith na colpuidhe agus cuirfidh a
ttaisgidh é táobh a muich don champa a
niniod ghlan, agus cuimhdeochthar é do
choimhthionol chloinne Israel mar uisge
dealuighthe: is glanadh ar son peacaidh é.
10 Agus an té chruinnighis luáith na
colpuidhe, nighfidh sé á éadach, agus
biáidh sé neamhghlan go tráthnóna:
agus biáidh sé ag cloinn Israel, agus ag an
ccoimhidhtheach chomhnúigheas na
measc, na reachd síorruidhe.
11 Agus an té bheanas ré corp marbh
dhuine ar bith, biáidh sé neamhghlan
go cionn seachd lá.
12 Glanfuidh sé é féin leis sin ar an
treas lá, agus an seachdmhadh lá biáidh
sé glan: achd muna nglana sé é féin an
treas lá; annsin ní bhiáidh sé glan an
seachdmhadh lá.
13 Gidh bé bhéanus ré corp marbh
dhuine ar bith éugfas, agus nach glan-
fuidh é féin, salchaidh sé tabearnacuil an
tighearna, agus gearrfuighear an tanam
sin ó Israel: do chionn nar croitheadh
uisge an dealuighthe air, biáidh sé nea-
mhghlan; atá a neamhghloine fós air.
14 Sé so an dligheadh, a nuáir ghea-
bhus duine bás a loistin: an mhéid
thiucfas a steach annsa lóistin, agus an
mhéid bhías a stigh annsa lóistin, béid
neamhghlan seachd lá.
15 Agus gach eansoitheach fhoscailte, ar
nach bhfuil folach ceanguilte uime, ata ne-
amhghlan.
16 Agus gidh bé bheanas ris an tí do
mharbhadh le cloidheamh sná machair-
idhibh réidh, nó re corp marbh, no ré
chnáimh dhuine, no re uaighe, biaidh
neamhghlan seachd lá.
17 Agus glacfuid siad air son
duine neamhghlain do luaith no colpui-
dhe loiscthe, an ghlanta ar son peacaidh,
agus cuirfidhear uisge reatha na chionn
a soitheach:
18 Agus glacfuidh duine glan
isóip agus tumthuigh annsa nuisge é, a-
gus croithfidh ar an lóistin e, agus
ar na soithighibh uile, agus ar na dáoi-
nibh do bhí annsin, agus ar an té do
bhean ré cnáimh, nó ré duine do mar-
bhadh, nó ré duine fuáir bás, nó ré huáigh.
19 Agus croithfidh an duine glan
air an neamhghlan an treas lá, agus
an seachdmhadh lá; agus ar an seachd-
mhadh lá glanfuidh é féin, agus nighfidh
a éadach, agus fothruicfidh é féin a
nuisge, agus biáidh sé glan tráthnóna.
20 Achd an té bhías neamhghlan, agus
nach glanfuidh é féin, gearrfuighear an
tanam sin amach as an ccomhchruinniu-
ghadh, do chionn gur thruáill sé sanctó-
ra án tighearna: níor croitheadh uisge
an dealuighthe air, atá sé neamhghlan.
21 Agus biáidh sé na reachd sior-
ruidhe dhóibh: an té chroitheas uisge an
dealuighthe nighfidh sé a éadach, agus an
té bheanas ré huisge an dealuighthe bi-
áidh sé neamhghlan go tráthnóna.
22 Agus gidh bé ní ré mbeanfuidh
an duine neamhghlan, biáidh sé nea-
mhghlan: agus an tanum bheanfas ris,
biaidh sé neamhghlan go tráthnóna.

CAIB. XX.

Gearan an tsloigh ag uisce an chonnfadh. 8 tug Maoise uisce ó charraig. 23. Fuair Aaron bás.

ANnsin thangadar clann Israel, an
comhchruinniughadh uile, go díc-
thramh Sin annsa chéad mhí; agus
do bhí ann pobal na ccomhnuidhe
ann Cades, agus déug Miriam annsin,
agus do hadhluiceadh annsin í.
2 Agus ní raibh uisge ag an bpo-
bal, agus do chruinnigheadar iad féin a
ccionn a chéile a naghuidh Mháoise agus
Aaron.
3 Agus do spreagadar an pobal
Maoise, agus do labhradar, dhá rádh,
Trúagh a Dhé, nar éagamar an tan
do éugadar ar ndearbhraithre a láthair
an tighearna.
4 Agus créd fa ttugabhairse libh
comhchruinniughadh an tighearna don
bhfásachso, ionnus go bhfaighmís féin a-
gus ar náirnéis bás?
5 Agus créd fá ttugabhair fá deara
dhúinn teachd amach as a Négipt dar
ttabhairt a steach don droch áit so: ní
fearann sil é, nó figeadh, nó finea ubhal,
nó pomgránat, ní mó ata uisge ré ól ann.
6 Agus do chuáidh Maoise agus Aaron
as láthair an phobuil go dorus thabear-
nacuil an chomchruinnigh, agus do thuit-
eadar ar a naghaidh, agus do fhoillsigh
glóir an tighearna i féin doibh.
7 Agus do labhair an tighearna re
Maoise, dhá rádh;

8 Glac an tslat, agús cruinnigh an toireachdas a bhfochair a chéile, thú féin agus Aáron do dhearbhrathair, agus labhruidh ris an gcarruic as coinne a súl, agus do bhéura a huisge uaithe; agus do bhéara tusa amach as an ccarruic uisge dhóibh: mar sin do bhéara tú deoch don chomhchruinniughadh agus dá náirneis.

9 Agus do ghlac Maóise an tslat as lathair an tighearna, mar do aithin sé dhe.

10 Agus do chruinnigh Maóise agus Aáron, an pobal a bhfochair a chéile as coinne na cairrge, agus a dubhairt sé, Eisdigh a nois a mheirleacha, an gcaithfimne uisge do thabhairt daoibh as an carruicsi?

11 Agus do thóg Maóisi a lámh súas, agus lé na sh'áit do bhuáil sé an charruic fá dhó: agus táinic an tuisge amach go hiomarcach, agus do ibheadar na dáoine agus a náirnéis mar an gcéadna.

12 Agus do labhair an tighearna re Maóise agus ré Háaron, Do chionn nar creideabhair dhamh dom náomhadh a lathair chloinne Israel; uime sin ni thiubharthaói an chuideachdasa don dúthaigh thug mé dháoibh.

13 Sé so uisge Mheribah, do chionn go ndéarnadar clann Israel ceannairg ris an dtighearna, agus gur náomhadh é ionta.

14 Agus do chuir Maóise teachda ó Chades go Righ Edom: Is mar so a deir do dhearbhrathair Israel, atá a fhios agad ar gach ní dar éirigh dhuinne ann ar tturus:

15 Mar do chúadar ar naithre síos do Négipt, agus mar chomhnuigheamairne san Négipt aimsior fhada; agus gur chráidheadar na Hégiptigh sinn féin agus ar naithre.

16 Agus a nuáir do éigheamar ár an ttighearna, do chúaluidh sé ar nguth, agus do chuir sé aingeal uadh, agus thúg leis amach sinn as a Négipt: agus féuch, atámáoid a Ccádes, an chathair is faide amach ann do theóruinnsi.

17 Tabhair cead sligheadh dhúinn, iarruim mar athchuinge ort, thríd do dhúthaigh: ní gheabham thríd na machairighibh, nó thríd na fíneamhnuibh, ni mó ibhthiom duisge na ttoibreach: imeóchiam ród an Righ, ni fhilleam don láimh dheis nó don láimh chli, nó go tteighiom thar do theóruinnsi.

18 Agus a dubhairt Edom ris, Ni gheabha tú thriomsa, deagla go ttiucfuinn amach ad aghuidh leis an ccloidheamh.

19 Agus a dubhradar clann Israel ris, rachaimne ar feadh na sligheadh móire: agus má ibhiom fein na mair-
néis deoch dod chuid uisge, annsin do
mé ar a shon; rachad amhain (
éinni oile) thríd a tír dom ch
uibh.

20 Agus a dubhairt seision, ni rach
sibh thríd; agus tháinic Edom ama
na naghuidh lé móran sluáigh, agus
láimh láidir.

21 Mar so do dhiúlt Edom ce
sligheadh do thabhairt do chloinn I
rael tré ná theoruinn: uime sin
fhilleadar clann Israel uadh.

22 Agus do ghluaisiodar clann I
rael, an chomhchruinniughadh uile
Chades agus tangadar go sl
Hor.

23 Agus do labhair an tighearn
re Maóise agus re Háaron a sl
Hor láimh re brúach fearuinn Edo
gá rádh.

24 Béarthar Aáron a gcionn a dh
óir ni rachaidh sé don tír noch th
misi do chloinn Israel, do chionn g
chathuigheabhair a naghaidh mo bhr
thre ag uisce Mheribah.

25 Glac chugad Aáron agus a m
Eleásar, agus tabhair súas a sliabh H
iad,

26 Agus bean a éadach do Aá
agus cuir ar Eleásar a mhac é, ag
cruinneochthar Aáron chum a dhá
agus do geabha bás annsin.

27 Agus do rinne Maóise mar a
dubhairt an tighearna ris, agus d
chúadar súas ar sliabh Hor a radh
an phobuil uile.

28 Agus do bhean Maóise a éad
do Aáron, agus do chuir ar Eleás
mhac é, agus fuair Aáron bás an
ar mhullach an tsléibhe: agus th
nic Máoise agus Eleásar a nuas
tsliabh.

29 Agus a nuáir do choncadar
pobal uile go bhfuáir Aáron bás,
rinne tigh Israel uile dóbrón a
Aáron triochad lá.

CAIB. XXI.

Do Scrios Israel na Canani Tainic orra na naithreacha teinntighe. 7 an nathair phrás. 21 milleadh Sihon, 33 agus Og.

AGus a nuáir do choch
Righ Arad an Canani
noch do chomhnuigh budh d
go ttáinic Israel a slighe
luchd bratha; annsin do t
se a naghaidh Israel, agus
ghabh cuid aca na bprios
aibh.

3 Agus tug Iſrael móid don tighearna, agus a dubhairt, ma ſheachadann tú go dearbhtha na daoineſi am láimhſe, annſin ſcriosfa mé go hiomlán a ccaithreacha.

3 Agus do éiſt an tighearna ré guth Iſrael, agus do ſheachaid dóibh na Cananitigh, agus do ſcrioſadar go hiomlán iad féin agus a ccaithreacha; agus do ghoir ſé Hormah dainm do náit.

4 Agus do ghluáiſiodar ó ſhliabh Hor liimh ré ſlighe na mara ruáidhe chum teachd timchioll chriche Edom: agus do bhi anam na ndaoine ar na dhroichmheiſniughadh go mór do bhrigh na ſligheadh.

5 Agus do labhair an pobal a naghaidh Dé, agus a naghaidh Mhaóiſi, Créd fa ttugabhair amach as a Négipt ſinn dfagháil bháis ſan bhfáſach? óir ni bhfuil arán nó uiſge ar bith ann, agus do ſhuathaidh ar nanam an taran eutromſe.

6 Agus do chuir an tighearna nathreacha nimhe tinntighe a meaſc an phobail; agus do chognadar an pobal, agus fuair mórán daoine do Iſrael bás.

7 Uimé ſin tangadar an pobal chum Maóiſe, agus a dubhradar, Do pheacuigheamar, óir do labhramar a naghaidh an tighearna agus ad aghaidhſi; guidh an tighearna go mbeireadh ſe na naithreacha nimhe uáinn: agus do ghuidh Maóiſe ar ſon an phobail.

8 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóiſe, Déana dhuit nathair nimhe thinntighe, agus cuir ar chrann í; agus tiucfa dhe ſin gach duine loitfighear, a nuáir ſhéachſus uirre, go mairfidh ſé.

9 Agus do rinne Maóiſe nathair nimhe do phrás, agus do chuir air chránn í; agus tarla, dá loiteadh nathair nimhe éanduine, a nuáir do ſhéachadh ſé air a nathair nimhe phráis, go maireadh ſé.

10 Agus do ghluáiſiodar clann Iſrael rompa, agus do ſhuidheadar ann Obot.

11 Agus do ghluáiſiodar ó Obot, agus do ſhuidheadar ag cárnuibh Abarim, annſa bhfáſach, noch atá as coinne Mhoab leath ré heirghe gréine.

12 Do áthruigheadar as ſin, agus do ſhuigheadar a ngleann Sared.

13 Do áthruigheadar as ſin, agus do ſhuigheadar ar an ccuid thall do Arnon, noch atá annſa bhfáſach, noch thig amach as imlibh na Namoriteach: óir ſé Arnon teórann Mhoab idir Mhoab agus na Hamoritigh.

14 Is uime ſin a deirthear a leabhruibh coguidh an tighearna, Gidh bé rinne ſé ſan muir ruáidh, agus ag ſrothuibh Arnon.

15 Agus ag ſruth na naibhneadh, nóch théid ſios go tír Ar, agus luidhios ar theóruinn Mhoab.

16 Agus do chúadar as ſin go Beer: ſé ſin an tobar air ar labhair an tighearna ré Maóiſe, cruinnigh an pobal a bhfochair a chéile, agus do bhéara miſi uiſge dhóibh.

17 Annſin do chan Iſrael an chaintici: Tibir a nſios a thobair: freagruidhſi dhó.

18 Do thochladar na prionnſuidhe an tobar, do thochladar uáiſle an phobail maille re ſeartabhartha an dlighe le na mbatuidhibh é: agus (do imthigheadar) ón bhfáſach go Mattanah.

19 Agus ó Mhattánah go Nahaliel, agus ó Nahaliel go Bamot.

20 Agus ó Bhamot annſa ghleann atá a tír Mhoab go mullach Piſgah, noch fhéachus leath re Ieſimon.

21 Agus do chuir Iſrael teachda go Sihon Ri na Namoriteach, gá radh.

22 Léig dhamh ghabháil thríd do dhúthaigh, ni ſhillfiom annſna machairghibh, nó annſna ſineamhnuibh, ni iobhtham duilce an tobair, achd imeochum ród an Righ nó go reachſum thair do theórannuibhſi.

23 Agus nior bhaill lé Sihon cead do thabhairt do Iſrael gabháil tré na dhúthaigh, ach do chruinnigh Sihon a dháoine uile a bhfochair a chéile, agus do chuáidh ſé amach a naghaidh Iſrael ſan bhfáſach, agus tháinic go Iahas, agus do throid a naghaidh Iſrael.

24 Agus do bhuáil Iſrael é lé faobhar an chloidhimh, agus do ſhealbhuidh a dhúthaidh ó Arnon go Jabboc, eadhon gó nuige cloinn Ammon: óir do bhi teórann chloinne Ammon láidir.

25 Agus do ghabh Iſrael na caithreacha ſo uile, agus do chomhnuigh Iſrael a ccaithreachaibh na Namoriteach, ann Heſbon, agus ann a uile bhailtibh.

26 Oír do bé Heſbon cathair Sihon Righ na Namoriteach, noch do chathuigh a naghuidh chéidrígh Mhoab, agus do bhean a dhúthaidh uile as a láimh go nuige Arnon.

27 Uime ſin an drong labhras a ſeanthocluibh, a deirid, Tigidh go Heſbon, cuirthear ſúas agus ullmhuighthear cathair Sihon.

28 Oír do chuaidh teinidh amach as Heſbon, laſair ó chathruigh Sihon: do loiſc Ar Mhoab, agus tighearnuidhe áiteach árd Arnon.

29 A mhairg dhuitſi a Mhoab, atá tú millte a phobal Chemos; tug ſé a mhic do chuaidh as, agus a ingheana a mbraighdionas do Shihon Righ na Namoriteach.

30 Do thollamar re ſaighdibh iad, do milleadh Heſbon go nuige Dibon, agus do rinneamar fáſach dhiobh go nuige Nophah, noch roichtheas go Medeba.

31 Mar ſin do áitribh Iſrael a ndúthaigh na Namoriteach.

32 Agus do chuir Maóiſe brath ar Iáaſer, agus do ghabhadar á bhailte,

te, agus do theilgeadar amach na Hamoritigh do bhí ionta.

33 Agus do ſhilleadar, agus do chúadar ſúas a ſlighe Bhaſan, agus do chúaidh Og Rígh Baſan amach na naghuidh, é féin agus a mhuinntir uile chum catha ann Edrei.

34 Agus a dubhairt an tighearna ré Maóiſe, ná bíodh eagla ort roimhe: óir do ſheachaid miſi ad láimh é, agus a dhaóine uile, agus a dhúthuigh; agus do dhéana tú ris mar do rinne tú re Sihon Rígh na Namoriteach, noch do chomhnuigh an Hesbon.

35 Mar ſin do bhuaileadar é féin, agus a mhic agus a dhaóine uile, nó go nar fágbhadh áonduine beó aige: agus do ſhealbhuigheadar a dhúthuigh.

CAIB. XXII.

Labhair an aſſal re Balaam.

AGus do ghluaiſeadar clann Iſrael ar a naghaidh, agus do chuíreadar fútha a réiteach Mhoab don táoibhſi do Jordan láimh ré Jerico.

2 Agus do chonnairc Balac mhac Sippor a ndeárnadar clann Iſrael ris na Hamorítibh.

3 Agus do bhí Moab lán deagla na ndáoine, do chionn go rabhadar líonmhur, agus do bhí Moab buáidheartha do bhrígh chloinne Iſrael.

4 Agus a dubhairt Moab ré ſinnſioruibh Midian, a nois lighfid an mhuinntirſe ſúas a bhfuil ar ttimchioll uile, mar ligheas an damh féur na faithche: agus dob é Balac mhac Sippor budh Rígh ar na Moabíteach an tanſin.

5 Do chuir ſé teachda úadh uime ſin chum Bálaam mhac Beor go Petor, noch atá láimh ré habhuinn dúthaigh chloinne a mhuinntire, dá ghairm, ag rádh, féuch, tháinic pobal amach ás a Négipt: féuch, do tholchadar aghaidh na talmhan, agus atáid na ccomhnuighe as mo choinne ſi.

6 Tárr a nois ar a nadhbharſin, íarruim mar athchuinge ort, malluigh na dáoineſi air mo ſhonſa, óir atáid ro neartmhar agam: dob éidir go mbéuruinn buáidh le ccláoidhſemís iad, agus le ndíbeóruinn as an ttír iad: óir atá a fhios agum, gidh bé bheinneochus tuſa, go bhfuil beannuighe, agus gidh bé mhailleochus tú go bhfuil malluighe.

7 Agus do imthigheadar ſinnſir Mhoab agus ſinnſir Mhidian maille re tioghlaicthibh na droidheachda ann a láimh: agus tangadar go Bálaam, agus do labhradar bríathra Bhálac ris.

8 Agus a dubhairt ſeiſion riú, fanuigh annſo a nochd, agus do bhéara miſi focal chugaibh mar a deir an tighearna rium; agus do fhanadar prionnſuidhe Mhoab a bhfochair Bhála[am].

9 Agus tháinic Día chum Bá[laam] agus a dubhairt, Cred íad na dá[oine] ad fhochair.

10 Agus a dubhairt Bálaam ré [Día,] Bálac mhac Sippor Rígh Moab do [chuir] fios chugam (dhá rádh.)

11 Féuch tháinic pobal amach a[s an] Négipt, noch fholchus aghaidh na [tal]mhan: tárr annois malluigh d[ham] iad, dob éidir go béinn cumuſach ch[um a] ccláoidhte, agus go ccuirfinn as an tír [iad].

12 Agus a dubhairt Día ré Bá[laam] ní reacha tuſa leó, ní mhailleocha[ir] an pobal: óir atáid beannuighe.

13 Agus do éirigh Bálaam ſúa[s ar] maidin, agus a dubhairt ré prionn[ſuidh]ibh Bhálac, éirgidh da bhur [ndú]thaidh féin, óir do dhíult an tighea[rna] cead do thabhairt damhſa dul libh.

14 Agus do éirgheadar prionn[ſuidhe] Mhoab ſúas, agus do chúadar c[hum] Bálac, agus a dubhradar, do dh[íult] Bálaam teachd linn.

15 Agus do chuir Bálac a ris [...] mó do phrionnſuidhibh agus níos [...] ruigh ná íadſan.

16 Agus tangadar go Bálaam, [agus] a dubhradar ris, mar ſo a deir B[álac] mhac Sippor: ná toirmiſgeadh [éin ní] thú, íarruim dathchuinge ort, ſi th[eacht] chugam:

17 Oír cuirfe mé ſúas thú a [...] romhóir, agus do dhéana mé gach [...] déarus tú rium: Tárr ar a na[dh]bharſin, guidhim thù, malluigh dh[am] na dáoineſi.

18 Agus dó fhreagair Bálaam, a[gus] a dubhairt re ſearbhóntuibh Bhála[c, dá] ttugadh Bálac dhamh lán a thighe [d'air]gead agus dór, ni fhéaduimſi dul t[ar] fhocal an tighearna mo Dhía, [do] dhéanamh níos lugha nó níos mó.

19 A nois uime ſin, guidhim ſi[bh] fanuidh a nochd annſo, chor go m[biadh] fhios agam cred eile a déaras an tighe[arna] na riom.

20 Agus tháinic Día go Bálaam [san] noidhche, agus a dubhairt ris, má th[igid] na dáoine dod ghairm, éirgidh ſ[úas] agus imthigh leó: gidheadh an focal [a] déara miſi riot, go madh é ſin dhé[a]nas tú.

21 Agus do éirigh Bálaam [ar] maidin, agus do chuir diallaóid ai[r a] aſſal, agus do chuaidh lé prionnſuidhibh Mhoab.

22 Agus do las fearg Dé do ch[i]onn gur imthigh ſé, agus do ſheas Ain[]geal an tighearna annſa tſlighe [mar] eaſccaruid na aghuidh: annois do b[hí] ſeiſion ag marcuidheachd ar a a[ſſal,] agus do bhádar a dhá ſherbhíſeach [mar] áon ris.

23 Agus do chonnairc an taſſal Aing[eal] an tighearna na ſheaſamh ar a tſligh[e,] agus a chloidheamh nochdaighe [na] láimh: agus do ionntóigh an taſſal [as] a tſligh[e]

a tslighe amach, agus do chuáidh ar
eadh an mhacaire, agus do bhuáil Bá-
laam an tassal dá fhilleadh annsa tslighe.
24 Ach do sheas áingel án tighearna
a slighe na bhfíneamhan, balla don
taoibhsi, agus balla don táoibh oile.
25 Agus a nuáir do chonnairc an
tassal aingel an tighearna, do thio-
máin si í féin a naghaidh an bhalla:
agus do bruigheadh cos Bhálaam ris an
mballa, agus do bhuáil sé a rís í.
26 Agus do chuáidh aingeal an ti-
ghearna ní is faide, agus do sheas a
náit chumhainn, mhar nach raibh áon-
bhall seachanta ar a láimh dheis nó ar
a láimh chlí.
27 Agus a nuáir do chonnairc an
tassal aingeal an tighearna, do thuit sí
sios faoi Bhálaam, agus do las fearg
Bhálaam, agus do bhuáil sé an tassal le
bata.
28 Agus dfoscuil an tighearna béul
a tassail, agus a dubhairt sí re Bálaam,
Cred do rinne misi riot as ar bhuáil tú
mé a nois trí huáire?
29 Agus a dubhairt Bálaam ris a
tassal, Do chionn go ndeárna tú ma-
gadh orum; do bfearr liom go mbeith
cloidheamh am láimh, óir do mhuirfinn
a nois thú.
30 Agus a dubhairt an tassal re Bá-
laam, Nach misi hassal ar a ndeárna tú
marcuidheachd ó fuáir tú riamh mé
gus a niugh? nar gnáthuigh mé so
dhéanamh riot? agus a dubhairt seision,
Níor (gnáthuighis.)
31 Annsin dfoscuil an tighearna súile
Bhálaam, agus do chonnairc Bálaam
aingeal an tighearna na sheasamh san
tslighe, agus a chloidheamh tairngthe
iona láimh: agus do chláon sé síos
a cheann, agus do thuit sínte ar a
aghuidh.
32 Agus a dubhairt Aingeal an ti-
ghearna ris, cred fár bhuáil tú hassal na
trí huáiresi? féuch do chuáidh misi
amach dód thoirmiosc, do chionn go
bhfuil do shlighe go crosanta am lathair.
33 Agus do chonnairc an tassal
mé, agus do fhill uáim na trí huái-
résí: agus muna bhfilleadh sí uáim,
go dearbhtha annois mar an ccéad-
na do mhuirfinn thusa, agus do sháor-
fainn ísi beó.
34 Agus a dubhairt Bálaam re hain-
geal an tighearna, do pheacaidh mé:
óir ní raibh a fhios agam gur sheas
tusa annsa tslighe am aghuidh: uime
sin annois muna budh toil leachd é,
fillse misi ar mais a rís.
35 Agus a dubhairt Aingeal an ti-
ghearna ré Bálaam, imhthigh leis na
dáoinibh: achd amháin an focal a déaras
misi riot, sé sin a déaras tú: mar sin
do imthigh Bálaam le prionnsuidhibh
Bhálac.
36 Agus a nuáir do chúaluidh Bálac
go ttáinidh Bálaam, do chuáidh sé a-
mach na choinne go chathair Mhoab,
noch atá a tteóruinn Arnon, noch atá
annsa nimiol as faide amach.
37 Agus a dubhairt Bálac re Bálaam,
nach ar chuir misi fios go dúthchi-
ollach chugadsa dod ghairm? cred fá
nach ttáinic tú chugam? nach dear-
bhtha go ttig dhíomsa do chur súas a
nonóir?
38 Agus a dubhairt Bálaam re Bá-
lac, féuch tháinic mé chugad: an
bhfuil cumhachda ar bith a nois agam
éinní rádh? an focal chuirfios Día am
bhéul sé sin laibheórus mé.
39 Agus do chuáidh Bálaam le Bá-
lac, agus tangadar go Ciriat-husot.
40 Agus do ofráil Bálac daimh agus
cáoirigh, agus do chuir go Bálaam
agus chum na bprionnsadha do bhí na
fhochair.
41 Agus tárla ar na mhárach gur
ghlac Bálac Bálaam, agus go rug
súas é go háitibh árda Baal, ionnus
go bhfaicfeadh sé as sin leithimiol an
phobail.

CAIB. XXIII.

Bíodh gur iarr Bálac ar Balaam (an deachthe) mallughadh do Israel. 7 Do Bheannuigh seision iad fá dhó.

AGus a dubhairt Bálaam re Bálac, tóg
dhamh annso seachd naltóra, agus
gléus damh annso seachd ndaimh agus
seachd reithe.
2 Agus do rinne Bálac mar a du-
bhairt Bálaam, agus do ofráil Bálac
agus Bálaam ar gach áon altóir bulóg
agus reithe.
3 Agus a dubhairt Bálaam re Bá-
lac, seas ag hofráil loiscthe, agus imeo-
cha misi: dob éidir go ttiucfadh an
tighearna do theagmháil riom, agus
gidh bé ar bith thaisbeanfuis sé dhamh,
inneósad dhuitsi; agus do chuáidh sé
chum áite áirde.
4 Agus tárla Día re Bálaam, agus a
dubhairt ris, Do ghléus mé seachd naltó-
ra, agus do ofráil mé bulóg agus reithe
ar gach éanaltóir.
5 Agus do chuir an tighearna focal
a mbéul Bhálaam, agus a dubhairt, Fill
air Bhálac, agus is mar so laibheorus
tú.
6 Agus do fhill sé air, agus féuch,
do bhí sé na sheasamh ag a nofráil loisc-
the, é féin agus prionnsuidhe Mhoab
uile.
7 Agus do thóg seision súas a cho-
samhlachd, agus a dubhairt, Thug Bá-
lac Righ Moab misi ó Aram as slé-
ibhtibh a noirthir, dhá rádh, tár,
malluigh dhamhsa Jacob; agus tár,
tabhair mo shlán fa Israel.
8 Cionnus mhailleochus misi an té

nar mhalluigh Dia? agus cionnus do
bhéur mo shlán san té nach ttug Dia a
shlán saoi?
9 Oir ó mhulluighe na gcairrgeach
do chím é, agus ó na cnocuibh amhair-
cim é: féuch, áiteochuid an pobal leó
féin, agus ní háireomhthar iad a measc
na ccineadhach.
10 Cía shéadas luáithreadh Jácob
dáireámh, agus uibhir an cheathramhadh
cuid do Israel? faghaimsi bás na bhfi-
réun agus bíodh mo chríoch dheiridh
cosmhuil ris.
11 Agus a dubhairt Bálac re Bá-
laam, Ciodh so do rinne tú orum? do
ghlac me thú do mhallughadh mo
námhad, agus féuch do bheannuigh tú
iad go huilidhe.
12 Agus do fhreagair seision, agus
a dubhairt, nach ccaithfe mé aire tha-
bhairt an ní sin do rádh, do chuir an
tighearna am bhéul?
13 Agus a dubhairt Bálac ris, gui-
dhim tú, tárr uáit liomsa a náit eile
as ar feidir dhuit a bhfaicsin: ní fha-
icfe tú achd an chuid amuich dhíobh,
agus ní fhaicfe tú uile iad; agus mal-
luigh dhamhsa iad as sin.
14 Agus rug sé leis é go machaire
Zóphim go mullach Pisgah, agus do
thóg seachd naltóra, agus do ofráil
bulog agus reithe ar gach altóir
dhíobh.
15 Agus a dubhairt sé re Bálac, seas
annso ag hofhráil loisgthe, go tteige-
omha misi ris an ttighearna ann súd.
16 Agus tárrla an tighearna ré Bá-
laam, agus do chuir focal na bhéul,
agus a dubhairt, éirigh a ris go Bálac,
agus abair ris mar so.
17 Agus a nuáir tháinic sé chuige
féuch do bhí sé na sheasamh agá ofráil
loisgthe, agus prionnsuidhe Mhoab ma-
ille ris: agus a dubhairt Bálac ris,
créd do labhair an tighearna?
18 Agus do thóg seision súas a cho-
samhlachd agus a dubhairt, éirigh súas
a Bhálac agus éist, tabhair haire
dhamhsi a mhic Zippor.
19 Ni duine Dia as a ndéanadh bré-
ag, ní mó is mac duine é as a ndéanadh
sé aithreachus: a ndubhairt sé éinni,
agus nach béara chum críche é?
20 Féuch, do ghlac misi aithne bean-
nughadh; agus do bheannuigh seision,
agus ní fhéaduimsi a fhilleadh.
21 Ní fhacuidh sé ciogceart an Jácob,
agus ni fhacaidh olc a Nisrael: atá an
tighearna a Dhia maille ris, agus atá
sianśa Rígh eatorra.
22 Thug Dia amach as a Négipt
iad; atá aige amhail neart Unicorn.
23 Go deimhin ni bhfuil droigheachd
ar bith a naghaidh Jácob, ní mó
atáid piseóga ar bith a naghaidh Israel;
do réir na haimsiresi a déarthar re Já-
cob agus re Hisrael gach ní dar oibrigh
Dia.
24 Féuch, éireochuidh an pobal s
mar leomhan mhór, agus tóigfidh é f
súas mar leomhan óg: ní luidhfid
sios nó go nithidh don chreich, agus
go nibhidh sé fuil na marbh.
25 Agus a dubhairt Bálac ré Bála
ná malluigh iad ar éanchor, agus
beannuigh iad ar éanchor.
26 Achd do fhreagair Bálaam agus
dubhairt ré Bálac, nach ar innis mé
dhuit, dá rádh: a nuile ní a déara
tighearna rium, sé sin chaithfios mé
dhéanamh?
27 Agus a dubhairt Bálac re Bála
tárr guidhim thú, béara mé liom thú
háit oile: do bféidir go madh toil
Dia go mailleochthá dhamh iad as sin.
28 Agus rug Bálac Bálaam g
mullach Peor, noch fhéuchus leath ri
Jesimon.
29 Agus a dubhairt Bálaam re Bálac
déana dhamh annso seachd naltóra
agus gléus damh annso seachd mbulog
agus seachd reithe.
30 Agus do rinne Bálac mar a dú-
bhairt Bálaam, agus do ofráil sé bulog
agus reithe ar gach éanaltóir.

CAIB. XXIV.

Balaam ag leigeadh draoitheachd dhe, 3 do rinne sé faigheadoireachd ioma Israel, 15 Agus ioma Chríosd re teachd.

AGus a nuáir do chonnairc Bálaam
gur thoil leis an ttighearna Israel
do bheannughadh, níor imthigh sé mar
na huairibh oile diarruidh droighea-
chda, achd do chuir sé a aghuidh ar
an bhfásach.
2 Agus do thóg Bálaam a shúile súas,
agus do chonnairc Israel na ccom-
nuighe iona lóistinibh do réir a ttreabh,
agus tháinic spiorad Dé air:
3 Agus do thóg súas a chosamh-
lachd, agus a dubhairt, Bálaam mhac
Beor a dubhairt, agus an té agá bhfu-
lid a shúile fosguilte a dubhairt.
4 A dubhairt an té do chúala
bríathra Dé, noch do chonnairc fis a
nuilechumhachtuigh, ar ttuitim (a
achd a shúile fosguilte.
5 Créd é a fheabhus atáid do lóist
a Jácob, águs do thabearnacuil a Israel!
6 Atáid sínte amach mar na gleannt-
ibh; mar ghairdínibh láimh ris a nabhuinn,
mar chrannuibh do choill Aloes, noch do
phlannduigh an tighearna, & mar chran-
nuibh Céadair láimh ris na huisgedhibh.
7 Doirtfidh sé an tuisge amach as a
bhuicéaduibh, agus biaidh a shíol a
mórán uisceadh; agus budh hairde a
Rígh ná Agag, agus áirdeochthar a rí-
ghachd.
8 Thug Dia amach as a Négipt é, atá
aige amhail neart Unicorn; iosuidh
sé súas na cinidheacha a naimhde, agus
brisfidh

brisfidh sé a ccnámha, agus tollfuidh sé iad thriotha le na shaighdibh.

9 Do chrap sé, do luidh sé síos mar leomhan mhór: cía chorróchus súas e? is beannuighe an té bheannochus thusa, & is malluighe an té mhailleochus thú.

10 Agus do las fearg Bhálac a naghaidh Bhálaam, agus do bhuail a bhasa ar a chéile, agus a dubhairt Bálac re Bálaam, do ghoir mé thú do mhallughadh mo naimhde, agus féuch do bheannuigh tú iad na trí huairesi;

11 Ar a nadhbharsin a nois teith dod ionad féin; do mheas mé do thógbháil chum onóra móire, ach féuch do chonnuimh an tighearna ó onóir thú.

12 Agus a dubhairt Bálaam re Bálac, nach ar labhair misi red theachduibh mar an ccéadna, noch do chuir tú chugam gá rádh,

13 Da ttugadh Bálac dhamhsa a thigh lán dairgead agus dór, ní fhéaduim dul thar aithne an tighearna, do dhéanamh maitheasa nó uilc as minntinn féin: gidh bé ní déaras an tighearna, sé sin laibheoras misi?

14 Agus féuch a nois atáim ag dul chum mo dháoine féin: ar a nadhbhursin tárr agus foillseocha mé dhuit, cred do dhéanuid na dáoinesi red dháoinibhsi annsna laéthibh deigheanacha.

15 Agus do thóg sé súas a chosamhlachd, agus a dubhairt, Bálaam mhac Beor a dubhairt, agus an té gá bhfuilid a shúile foscuilte a dubhairt.

16 A dubhairt an té do chúaluidh bríathra Dé, agus do thuig eólus an té is roáirde, do chonnairc fis a nuilechumhachduigh, ag tuitim [a néull] achd a shúile foscuilte.

17 Do chífead é, achd ní annois; amhairc se mé é, ach ni a bhfogus: tiucfuidh Réalt amach as Jácob, agus éireochuidh Slat Ríogha as Israel agus buailfidh tré Phrionnsuidhibh Moab, agus scriosfuidh sé clann Shet.

18 Agus sealbhochthar Edom, agus biáidh Seir fós na sheilbh agá naimhdibh, agus do dhéana Israel go cródha.

19 Amach as Jácob thiucfas an té gá mbia tighearnus, agus chlaoidhfeas an té mhaireas don chathruigh.

20 Agus a nuáir do fhéuch sé air Amalec, do thóg sé súas a chosamhlachd agus a dubhairt, do bé Amalec priomhthús na ccinneadhach, ach budh í a chríoch dheighionach, go mbia scriosta go bráth.

21 Agus do fhéuch sé ar na Cenitibh, agus do thóg súas a chosamhlachd agus a dubhairt, is láidir háit chomhnuighe, agus cuirigh tú do nead a ccarruig.

22 Gidheadh bánfuighear an Ceniteach, nó go mbeiridh Assur leis a láimh thú.

23 Agus do thóg a chosamhlachd agus a dubhairt, uch, cía bhias beó a nuair do dhéana Dia so?

24 Agus tiucfuid longa ó imiol Chittim, agus craidhfid Assur agus craidhfid Eber, agus imeocha seision fós sgachad go bráth.

25 Agus do éirigh Bálaam súas, agus do imthigh, agus do fhill dá áit fein, agus do imthigh Balac mar an gcéadna roimhe.

CAIB. XXV.

Adhaltrannús & iodholadhradh chloinn Israel, 7 Ar ná smachdughadh le Phineas.

AGus do chomhnuigh Israel a Sittim, agus do thosuigheadar an pobal striopachus do dhéanamh lé hinghionuibh Mhoab.

2 Agus do ghoireadar an pobal chum iodhbartha a Ndée, agus do ithéadar an pobal, agus do cláonadar síos dá Ndéeibh.

3 Agus do iadh Israel é féin lé Baal-Peor, agus do las fearg an tighearna a naghuidh Israel.

4 Agus a dubhairt an tighearna re Maóise, glac uile uachdaráin na ndáoine, agus croch súas iad a lathair an tighearna as coinne na gréine, chor go bhfillfighear fearg fhíochmhar an tighearna ó Israel.

5 Agus a dubhairt Maóise re breitheamhnuibh Israel, marbhuidh gach áon aguibh a mhuinntir, noch do iadh lé Baal-Peor.

6 Agus féuch, thug áon do chloinn Israel chum a dhearbhráithreach bean do na Midianchuibh a radharc Mhaóise, agus a radharc chomhchruinnigh chloinne Israel, noch do bhí gul ag dorus thabernacuil an chomhchruinnigh.

7 Agus a nuáir do chonnairc Phineas mhac Eleásar mhic Aáron an sagart, sin, do éirigh súas a measc an chomhchruinnigh, agus do ghabh gath beag iona láimh.

8 Agus do chuáidh a ndiaigh a nfhir do Israel don lóistín, agus do shaith thriotha aráon, an fear do Israel, agus an bhean tré na broinn: mar sin do coisgeadh an phláigh ó chloinn Israel.

9 Agus an mhéid fuáir bás don phláigh do budh ceithre mhile fhithchiod iad.

10 Agus a dubhairt an tighearna re Maóise, gha rádh,

11 Do fhill Phineas mhac Eleásar mhic Aáron an sagart mfearg ó chloinn Israel, an tan do bhí sé teasghrádhach ar mo shonsa na measc; go nar mharbh mé clann Israel tré mo éud.

12 Uime sin abair, féuch, do bheirim dhó mo chunnradh síothchána.

13 Agus do gheabha seision é, agus a shíol na dhiáigh, martí cunnradh sagartachda síorruidhe; do chionn go raibh teas-

teasghrádhach do Dhía, agus go ndéarna
síoth ar son chloinne Israel.
14 Annois ainm an Israelitigh do
marbhadh, noch do marbhadh maille
leis an mnáoi Mhídianuigh, do budh
é Simri mhac Salu, prionnsa prímhthi-
ghe a measc na Simeónach:
15 Agus bá hé ainm na mná Midia-
nuighe do marbhadh, Cosbi inghean
Sur, noch bá ceann ós cionn phobail
agus tighe móire a Midian.
16 Agus do labhair an tighearna re
Maóise, dha rádh,
17 Buáidhir na Mídianuigh, agus buáil
íad.
18 Oir atáidsion dod bhuaidhreadh-
sa le na ccealguibh, ler mhealladar sibh
a gcúis Pheor, agus a gcúis Chosbhi
inghean phrionnsa do Mhidian a ndeir-
bhshiur, noch do marbhadh a ló na
pláighe, ar son Pheor.

CAIB. XXVI.

Uibhir chloinn Israel ar na ccombáireamh annois an dara huair 601730 le amuigh do 23000 Lebhitibh. 63 Cáleb & Josua amháin beo do na dháirmheadh attús.

AGus tárla a ndiáigh na pláighe, gur
labhair an tighearna re Maóisi agus
re Heleásar mhac Aáron an sagart, gá
rádh;
2 Glac uibhir chomhchruinnigh chlo-
inne Israel uile, ó fhithchid bliadhan
dáois, agus ós a chionn, ar feadh thighe
a naithreadh, gach a bhfuil cumusach
ar dhul san chogadh á Nisrael.
3 Agus do labhair Maóise agus Eleásar
an sagart riú a réiteach Mhoab láimh
re Jordan a bhfogus do Jericho, ghá
rádh;
4 Airmhidhe ó fhithchid bliadhan
dáois, agus ós a chionn, mar do aithin
an tighearna do Mhaóise, agus do chloinn
Israel, noch do chuáidh amach as crích
na Hégipte.
5 Réuben an mac is sine ag'Israel:
clann Réuben, Hanoch (ó ttáinic) treabh
na Hanochiteach: ó Phallu, treabh
na Bpalluiteach:
6 O Hesron treabh na Nesroníteach:
ó Charmi treabh na Ccarmíteach.
7 Is íad so treabha na Reubení-
teach: agus an luchd do háirmheadh
dhíobh do budh ceathrachad, agus trí
mhíle, agus seachd gcéad agus tríochad.
8 Agus mic Phallu, Eliab.
9 Agus mic Eliab, Nemuel, agus
Dátan, agus Abíram: síad so an Dátan
agus an Tabíram, noch do bhí iom-
ráidhteach annsa chomhchruinniughadh,
noch do crionchaín a naghaidh Mhaó-
ise, agus a naghaidh Aáron a ccuidea-
chda Chórah, a nuáir do chrionchánadar
a naghaidh an tighearna.
10 Agus dfoscuil an talamh a bhéul,
agus do shluig síos íad maille re Có
a nuáir do éug an chuideachda
san nam ar loisc an teinidh dhá ch
agus caogad fear: agus do rinne
sompla dhíobh.
11 Gidheadh níor éugadar d
Chórah.
12 Mic Shimeon do réir a ttreabh
ó Nemuel, treabh na Nemueliteach
Iámin treabh na Iáminíteach: ó Ia
treabh na Iáchiníteach.
13 O Shérah, treabh na Sèrahíteach
ó Shaul tréabh na Saulíteach.
14 Síad so treabha na Simo
teach: fichthe agus dá mhíle agus
chéud.
15 Clanna Ghad do réir a ttreabh
ó Shéphon, treabh na Sephoniteach:
Haggi, treabh na Haggíteach: ó Shú
treabh na Suniteach.
16 O Osni treabh na Nosníteach:
Eri treabh na Neríteach:
17 O Aród treabh na Nároideach
ó Areli treabh na Nareliteach.
18 Síadso treabha chloinne Gad, d
réir ar háirmheadh dhíobh, ceath
chad míle, agus cúig chéud.
19 Mic Júdah dob íad Er, agus On
agus fuáir Er, agus Onan bás a t
Chánaain.
20 Agus do budh íad mic Júdah d
réir a ttreabha: ó Shélah treabh n
Selaníteach: ó Pháres treabh na Ph
resiteach: ó Shérah treabh na Ser
teach.
21 Agus mic Phares do bhádar:
Hesron treabh na Nesroníteach: ó H
mul treabh na Namuliteach.
22 Siadso treabha Júdah do réir a
hairmheadh dhíobh, trí fichthid agus
mhíle dhéug, agus cúig chéad.
23 Do mhacuibh Issachar do réir
a ttreabha; ó Thóla, treabh n
Ttolaiteach: ó Phua, treabh na Phu
iteach:
24 O Jásub, treabh na Jasubíteach:
Shimron, treabh na Simroníteach:
25 Síadso trebha Issachar do réir a
háirmheadh dhíobh, trí fichthid agus
ceithre mhíle, agus trí chéad.
26 Do mhacaibh Sebulun, do réir a
ttreabha: ó Shéred, treabh na Shér
teach: ó Elon, treabh na Nelóniteach
ó Jahleel treabh na Jahleeleach.
27 Síadso treabha Sebulun do réir a
háirmbeadh dhíobh, trí fithchid míle a
cúig chéud.
28 Mic Ioseph do réir a ttreabha d
íad, Manasseh agus Ephraim.
29 Do mhacuibh Manasseh: ó Mi
chir, treabh na Machiríteach; a
rugadh Gilead do Mháchir: ó Gi
lead tháinic treabh na Ngilead
teach.
30 Síadso mic Ghilead: ó Ieez
treabh na Ieeseríteach: ó Helec, treabh
na Heleciteach.
31 Agus ó Asriel, treabh n
Nasri

Nafrieliteach: agus ó Shechem, treabh
na Secheméiteach.
32 Agus ó Shemida treabh na Semi-
díteach: agus ó Hépher, treabh na He-
pheríteach.
33 Agus Selophehad mhac Hepher, ní
raibh éanmhac aige, achd ingheana:
agus dob íad ſo anmanna inghean Selo-
phehad: Mahlah, agus Noah, Hoglah,
Milcah, agus Tirſah.
34 Síadſo treabha Mhanaſſeh, agus an
mhéid do háirmheadh dhíobh, cáogad
agus dhá mhile, agus ſeachd gcéad.
35 Síadſo mic Ephraim do réir a
ttreabha: ó Shutelah, treabh na Su-
taliteach: ó Bhecher, treabh na Beche-
riteach: ó Thahan, treabh na Ttaha-
níteach.
36 Agus is íadſo mic Shutelah: ó
Eran treabh na Neraniteach.
37 Síadſo treabha mhac Ephraim do
réir ar háirmheadh dhíobh, tríochad
agus dá mhile agus cúig chéad. Síadſo
mic Ióſeph do réir a ttreabha.
38 Mic Bheniamin do réir a ttreabha:
ó Bhéla, treabh na Mbélateach: ó Asbel,
treabh na Nasbélach: ó Ahíram, treabh
na Nahiramach.
39 O Shúphám, treabh na Supha-
míteach: ó Hupham treabh na Hupha-
míteach.
40 Agus dób íad ſo mic Bhéla, Ard,
agus Náaman: ó Ard, treabh na Nar-
díteach: agus ó Náaman, treabh na
Naamaníteach.
41 Síadſo mic Bheniamin do réir a
ttreabha: agus an mhéid do háirmheadh
dhíobh do bhádar ceathrachad agus cúig
mhíle, agus ſé chéud.
42 Síadſo mic Dan do réir a
ttreabha: ó Shuhan, treabh na Suhaní-
teach: ſíadſo treabha Dan do réir a
ttreabha.
43 Treabha na Suhaníteach uile do
réir ar háirmheadh dhíobh do bhádar
trí fichthid, & ceithre míle agus ceithre
chéad.
44 Do chloinn Aſer do réir a ttreabha:
ó Jimna, treabh na Jimnach: ó Ieſui,
treabh na Nieſúiteach: ó Bhéria treabh
na Mberíteach.
45 Do mhacaibh Béria: ó Heber,
treabh na Heberíteach: ó Mhalchiel,
treabh na Malchieliteach.
46 Agus Sarah dob ainm dinghin
Aſer.
47 Síadſo treabha mhac Aſer do réir
ar háirmheadh dhíobh, noch bá cáogad
agus trí mhíle, agus ceithre chéad.
48 Do mhacaibh Naphtali do réir
a ttreabha: ó Iáſeel, treabh na Niáſee-
liteach: ó Ghúni, treabh na Nguní-
teach.
49 O Jeſer, treabh na Jeſerí-
teach: ó Shillem, treabh na Sillemí-
teach.
50 Síadſo treabha Naphtali do réir a
ttreabha: agus an mhéid do háir-
meadh dhíobh do budh dhá fithchiod,
agus cúig mhíle, agus ceithre chéad.
51 Síadſo an mhéid do háirmheadh do
chloinn Iſrael, ſé chéad míle agus míle,
ſeachd gcéad agus tríochad.
52 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, dá rádh.
53 Dhóibhſo roinnfighear an fearann
mar oighreachd do réir a nuibhir anmann.
54 Do mhorán do bhéara tú ní is mó
doighreachd, agus do bheagán ní is lugha
doighreachd, do gach áon bhearthar oigh-
reachd do réir ar háirmheadh dhíobh.
55 Gidheadh roinnfighear an fearann
le crannchar: do réir anmann treabha
a naithreadh do gheabhuid oighreachd.
56 Do réir an chrannchair roinnfighear
a ſhealbh, idir mhorán & bheagán.
57 Agus ſíadſo do háirmheadh do na
Lebhítibh do réir a ttreabha: ó Gher-
ſhon, treabh na Ngerſoníteach: ó Cho-
hat, treabh na Ccohatíteach: ó Mherári,
tteabh na Meraríteach.
58 Síadſo treabha na Lebhíteach, treabh
na Libníteach, treabh na Nebroníteach
treabh na Mahlíteach, treabh na Muſí-
teach, treabh na Gcohatíteach: agus do
ghein Cohat Amram.
59 Agus do bé ainm mhná Amraim,
Iochebed inghean Lébhi, noch rugadh do
Lébhi ſan Negipt: agus rug ſí do
Amram, Aáron agus Maóiſe, agus Miriam
a ndeirbhſhiur.
60 Agus rugadh do Aáron Ná-
dab agus Abihu, Eleáſar agus Itá-
mar.
61 Agus do éug Nádab agus Abihu, a
nuáir do ofráladar teinidh choimhidh-
theach a lathair an tighearna.
62 Agus an luchd do háirmheadh dhí-
obh, do bhádar fichthe agus trí mhíle,
a nuile fhirionnach ó mhí dáois, agus
ós a chionn: óir níor háirmheadh íad
a meaſg chloinne Iſrael, bo bhrígh nár
tugadh oighreachd air bith a meaſg
chloinne Iſrael, dóibh.
63 Síadſo do háirmheadh lé Maóiſe
agus le Heleáſar an ſagart, noch do
chomháirimh clann Iſrael a réitibh Mho-
ab ag Iordan a bhfogus do Jerico.
64 Ach na meaſg ſo ní raibh duine
dhíobh dar chomháirimh Maóiſe agus
Aáron an ſagart a bhfáſach Sínai a nuair
do háirmheadh clann Iſrael.
65 Oír do labhair an tighearna orra,
Do gheabhuid go deimhin bás annſa bhfá-
ſach: agus níor ſagbhadh duine dhíobh
ach Cáleb mhac Jephunneh agus Joſua
mhac Nun.

CAIB. XXVII.

Oighreachd inghine Selophehad. 12. Maóiſe ar tí éuga 18. do iarr an tighear-na air cúram an phobuil do chur ar Joſua.

ANnſin tangadar ingheana Se-
lophehad mhic Hepher, mhic Gilead,
mhic

mhic Machir, mhic Manasseh, do shliochd
Manasseh mhic Joseph: agus is iad
so anmanna a inghean; Mahlah, Noah,
agus Hoglah, agus Milcah, agus Tirsah.
2 Agus do sheasadar a lathair Mha-
óise, agus a lathair Eleásar an sagart,
agus a lathair na bprionnsadha agus an
comhchruinnigh uile, ag dorus thabear-
nacuil an chomhchruinnigh, gá rádh.
3 Déug ar nathair annsa bhfásach, agus
ní raibh sé annsa chuideachduin do
chruinnigh iad féin a ccionn a cheile a
naghuidh an tighearna a ccuideachda Chó-
rah: ach déug sé iona pheacadh féin, &
ní raibh mic ar bith aige.
4 Cred fa múchfuidhe ainm ar nathar
ó bheith a measc a mhuinntire ar son
nach bhfuil éanmhac aige? Tabhair
dhúinne (ar a nadhbharsin) sealbh a
measc dhearbhráithreach ar nathar.
5 Agus thug Maóise a ccúis a lathair
an tighearna,
6 Agus do labhair an tighearna re
Maóise, gá radh;
7 Do labhradar ingheana Shelophehad
go ceart: do bheura tú dhóibh go
deimhin sealbh oighreachda a measc
dhearbhraithreach a nathar; agus do
bheara tú fadeara oighreachd a nathar
do theachd chuca.
8 Agus laibheora tú re cloinn Is-
rael, gá rádh, Má gheibh duine bás a-
gus nach bia aonmhac aige, annsin do
bheárthaoi fá deara a oighreachd do
theachd chum a inghine.
9 Agus muna raibh éaininghean aige,
annsin do bhéarthaoi a oighreachd dá
dhearbhráithribh.
10 Agus muna raibh dearbhráithre
aige, annsin do bhéarthaoi a oighreachd
do dhearbhráithribh a athar.
11 Agus muna rabhaid dearbhraithre
agá athair, do bhéarthaoi a oighreachd
dá chomhghaol as foigsi dhó dá threibh,
& sealbhochuidh sé é: agus biaidh sé na
reachd breitheamhnuis ag cloinn Israel,
mar do aithin an tighearna do Mhaoise.
12 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóise, éirigh suas ar a tsliabhsa Aba-
rim, agus féuch an fearann thug misi
do chloinn Israel.
13 Agus a nuáir do chife tú é, cruinne-
ochthar thú mar an gcéadna chum do
mhuintire féin, mar do cruinnigheadh
Aáron do dhearbhráthair.
14 Oir do rinneabhair cathughadh a
naghuidh maithnesi (a ndiothramh Sin a
nimreasan an chomhchruinnigh) dóm
naomhadh ag a nuisge as coinne a súl:
sé sin uisge Mheribah a Ccádes a bhfásach
Sin.
15 Agus do labhair Maóise ris an
ttighearna, dhá radh;
16 Cuireadh an tighearna Dia spio-
rad a nuile fheola, duine ós cionn an
chomhchruinnigh.
17 Noch fhéadfas dul amach rompa,
agus fhéadfas dul a steach rompa, agus
noch threórochus amach iad, agus
do bhéara a steach iad, go nach bia
comhchruinniughadh an tighearna
cháorcha ag nach bia áodhuire.
18 Agus a dubhairt an tighearna re
Maóise, glac chugad Josua mhac
duine iona bhfuil an spiorad, agus
do lámh air.
19 Agus cuir a lathair Eleásar
sagart é, agus a lathair an chomh-
chrúinnigh uile; agus tabhair
dhó dá lathair.
20 Agus cuirfe tú cuid dod onóir
chor go mbía comhchrainniughadh
chloinne Israel uile umhal.
21 Agus seasfa sé a lathair Eleásar
sagart, noch iarrfus comhairle dhó
réir breitheamhnus Urim a lathair
tighearna; do réir a fhocailsion
fuid siad amach, agus do réir a fhocail-
sion tiocfuid siad a steach, eison
agus clann Israel uile maille ris,
an comhchruinniughadh uile.
22 Agus do rinne Maóise mar
aithin an tighearna dhe, agus do
sé Josua, agus do chuir as coinne Ele-
sar an sagart é, a lathair an chomh-
ruinnigh uile.
23 Agus do chuir sé a lámh air,
thug cúram dhó mar do aithin an
ghearna lé láimh Mhaóise.

CAIB. XXVIII.

*Atá aith-iomradh ar reachd na n-iodh-
bartha.*

AGus do labhair án tighearna re M-
óise, dá rádh;
2 Aithin do chloinn Israel agus
riú, cóimhéadfuid mofráil, agus
rán chum iodhbartha déanta lé teinidh
mar dheaghbholadh dhamhsa, dá
dhamh na am iomchubhaidh féin.
3 Agus déara tusá riú, si so a
ráil déanta le teinidh noch iodhbarth
don tighearna, dhá úan don chéid-
liadhuin gan chaidhe, gach lá mar
ráil loiscthe go gnáthach.
4 Uan diobh ofráilseas tú ar maidin
agus an túan oile tráthnóna.
5 Agus an deachmhadh cuid do Eph
do phlúr mar ofráil bhidh cumuiscthe
leis an gceathramhadh cuid do hin
bhrúidhte.
6 Is ofráil loiscthe shiorruidhe í, mar
do hórduigheadh a sliabh Sinai mar
dheaghbholadh, iodhbartha déanta
teinidh don tighearna.
7 Agus budh hé ofráil dighe dhó
an ceathramhadh cuid do hin ar
éanuáin; annsa náit náomhtha do bhéar
tú fa deara an fíon láidir do dhórta
don tighearna mar ofráil dighe.
8 Agus an túan cile do dhéara
iodhbuirt tráthnóna: amhail ofráil
na maidne, agus amhail a ofráil

in, ofráilſe tú é, íodhbuirt déanta
lé teinidh do bholadh chumhra don
tighearna.
9 Agus a lá na Sabbóide dhá úan
don chéidbhliadhuin gan cháidhe, agus
dhá dheachmhadh cuid do phlúr mar of-
ráil bhidh cumuiſcthe le hola, agus a
ofráil dighe ſin.
10 Si ſo ofráil loiſcthe gach Sábóide,
taobh amuich do nofráil loiſcthe ghná-
thuigh, agus a hofráil dighe.
11 Agus a ttoſach bhur mios ofrálfui-
dhe ofráil loiſcthe don tighearna, dhá
bhulóig óga agus éainreithe, ſeachd nu-
áin don chéidbhliadhuin gan cháidhe.
12 Agus trí dheachmhadh cuid do phlúr
mar ofráil bhidh cumuiſcthe le hola,
déan bhulóig ámháin; & dhá deach-
mhadh cuid do phlúr mar ofráil bhidh
cumaiſcthe le hola, déinreithe amháin.
13 Agus an deachmhadh cuid do phlúr
cumaiſcthe le hóla mar ofráil bhidh lé
gach éanúan, mar ofráil loiſcthe do
dheaghbholadh, iodhbartha déanta lé
teinidh don tighearna.
14 Agus budh í a nofráil dighe leath
hin fhíona lé gach bulóig, agus an treas
cuid do hin le reithe, agus an ceathra-
mhadh cuid do hin le húan: ſí ſo a
nofráil loiſcthe ánn gach éinmhí ar feadh
mios na bliadhna.
15 Agus éanmheannán do na gabh-
raibh mar ofráil pheacaidh do dhéantar
diodhbuirt don tighearna, táobh amuigh
do nofráil ghnathaigh loiſcthe agus a
ofráil dighe.
16 Agus an ceathramhadh la déag don
chéidmhí atá Cáiſg an tighearna.
17 Agus an cúigeadh lá déag don
mhíſi atá an féaſta; ſeachd lá bhías an
taran gan laibhín dhá ithe.
18 Annſa chéad ló (biáidh) comh-
ghairm náomhtha, ní dhéantáoi gné ar
bith oibre ſiothruigh (ann)
19 Achd ofrálfuigh íodhbuirt déanta lé
teinidh mar ofráil loiſcthe don tighear-
na, dhá bhulóig óga, éanreithe, agus
ſeachd nuáin don chéidbhliadhuin, caith-
fidhe a mbeith aguibh gan cháidhe.
20 Agus biáidh a nofráil bhidh do
phlúr chumaiſcthe le holá, tri dheach-
mhadh cuid ofráilfidh lé gach bu'óig, agus
dhá dheachmhadh cuid lé reithe.
21 Deachmhadh cuid ar leith ofráil-
fios tú lé gach éanúan ar feadh na ſeachd
núan.
22 Agus éanghabhar amhain ar ſon
ofrála peacaidh do dhéanamh ſíoth-
chána dháoibh.
23 Ofráilfidh iadſo táobh amuigh do
nofráil loiſcthe ar maidin, noch atá ar
son ofrála loiſcthe gnáthuigh.
24 Ar an modhſo ofráilfidhe go lae-
theamhuil ar feadh na ſeachd lá, biadh
na híodhburth a déantá lé teinidh do
bholadh chumhra don tighearna: iodh-
bórthar é táobh amuich do nofráil lo-
iſcthe ghnáthaigh, & a ofráil dighe.
25 Agus air an ſeachdmhadh lá biáidh
comhghairm náomhtha aguibh, ní dhéan-
taoi obair ſháothrach ar bith.
26 Mar an gceádna a ló na gcéad-
thoradh a nuáir do bhéartháoi ofráil nu-
áidhbhidh chum an tighearna, déis bhur
ſeachdmhuineadh do bheith caimhthe,
biáidh aguibh comhghairm náomhtha: ní
dhéantáoi obair ſháothrach ar bith.
27 Achd ofráilfidh an nofráil loiſc-
the mar dheaghbholadh don tighearna,
dhá bhulóig ógá, éainreithe, ſeachd
lubhain don chéid bhliaghain.
28 Agus a nofráil bhidh do phlúr
cumaiſcthe le hola, trí dheachmhadh
cuid lé éanbhulóig, dhá dheachdmhadh
cuid déanreithe.
29 Deachmhadh cuid ar leith lé gach
éanúan, ar feadh na ſeachd núan.
30 Agus éainmheanná n do na gabh-
ruibh do dhéanamh ſíodha dáoibh.
31 Ofrailfidh iad taobh amuigh do
nofráil loiſcthe ghnáthuigh, agus a of-
ráil bhidh: béid iomlán aguibh gun a
nofrála dighe.

CAIB. XXIX.

Leanmhuinne ar reachd na njodhbharta agus na nofrala, ar na laithibh Sollamhanta.

AGus annſa ſeachdmhadh mí, ar an
ccéad lá don mhí, biáidh comh-
ghairm náomhtha aguibh; ní dhéantáoi
obair ſháothrach ar bith: is lá na ſtoc
do ſhéideadh dhíbh é.
2 Agus ofráilfidh ofráil loiſcthe mar
dheaghbholadh don tighearna, éanbhu-
lóg óg, éanreithe agus ſeachd nuáin don
chéidbhliadhuin gan cháidhe:
3 Agús a nofráil bhidh, biáidh do
phlúr cumaiſcthe le hola, tri dheach-
mhadh cuid le gach éanbhulóig, agus dhá
dheachmhadh cuid lé reithe.
4 Agus éaindeachmhadh cuid lé gach
uan ar feadh na ſeachd núan.
5 Agus éainmheannán do na gabhruibh
ar ſon ofrála peacaidh do dhéanamh
ſíodha dhíbh.
6 Taobh amuigh dofráil loiſcthe na
míos, agus a ofráil bhidh, agus a níodh-
buirt loiſcthe laétheamhuil, agus a of-
ráil bhidh, agus a nofráil dighe, do réir
a ngnáthuighe, mar dheaghbholadh, iodh-
buirt dhéanta lé teinidh don tighearna.
7 Agus biáidh aguibh ar an deach-
mhadh lá don ſeachdmhadh mí comh-
ghairm náomhtha, & craidhſe ſibh bhur
nanmanna: ní dhéantáoi obair ar bith ann.
8 Achd ofrailfidhe ofrail loiſcthe don
tighearna mar dheaghbholadh, éanbhulóg
óg, éanreithe, & ſeachd nuáin don chéid-
bhliaghuin: & béid dháoibh gan cháidhe.
9 Agus biáidh a nofráil bhidh do
phlúr cumaiſcthe le hola, tri dheach-
mhadh cuid lé gach bulóig, agus dhá
dheachmhadh cuid le héainreithe.

10 Dhá

10 Dhá dheachmhadh cuid ar leith lé
gach úan ar feadh na ſeachd núan.
11 Einmheannán do na gabhruibh ar
ſon ofrála peacaidh, taobh amuich dof-
ráil peacaidh na ſiodha, agus na hof-
rála loiſcthe gnáthuigh, agus ofrála bidh
agus a nofráil dighe.
12 Agus ar an ccuigeadh lá déug
don tſeachdmhadh mí biaidh aguibh
comhghairm náomhtha : ní dhéantaoi
obair ſhaothrach ar bith, & cuimhdeóch-
thaoi féaſta don tighearna ſeachd la.
13 Agus ofràilfidh ofráil loiſcthe, agus
íodhbuirt déanta lé teinidh do dheagh-
bholadh don tighearna, trí bulóga déug
óga, dhá reithe, agus ceithre huáin
déug don chéidbhliaghain: béid ſiad gan
toibhéim.
14 Agus biáidh a nofráil bhídh do
phlúr cumaiſcthe le hola, trí dheach-
mhadh cuid le gach éanbhulóig do na trí
bulóguibh déug, dhá dheachmhadh cuid
lé gach reithe don dá reithe.
15 Agus deachmhadh cuid ar leith le
gach úan do na ceithre húanuibh déug.
16 Agus éinmheannán do na gabhruibh
mar ofráil pheacuidh, táobh amuich don
nofráil ghnáthuigh loiſcthe, agus dá hof-
ráil bhídh, agus dá hofráil dighe.
17 Agus ar an dara lá ofráilfidh
dhá bhulóig dhéag don chéidbhliaghain
gan cháidhe.
18 Agus a nofráil bhídh agus a nof-
ráil dighe do na bulóguibh, do na
huanuibh, agus do na reithibh, biáidh do
réir a nuibhre, do réir an gnátha.
19 Agus éainmheánnán do na gabhruibh
mar ofráil pheacaidh, taobh amuigh don
nofráil loiſcthe ghnáthuigh, agus dá hof-
ráil bidh, agus dá hofráil dighe.
20 Agus ar an treas lá éanbhulóg
déag, dhá reithe, ceithre huáin déag
don chéidbhliadhuin gan cháidhe :
21 Agus a nofráil bhídh agus a nof-
ráil dighe, do na bulóguibh, do na rei-
thibh, agus do na húanuibh, biáidh do réir
a nuibhre, do réir an gnátha.
22 Agus éanghabhar ar ſon ofrála
peacaidh, táobh amuigh don nofráil
loiſcthe ghnáthaigh, agus dá hofráil bhídh
agus dá hofráil dighe.
23 Agus ar an gceathramhadh lá,
deich mbulóga, dhá reithe, agus ceithre
huáin déug don chéaidbhliadhuin gan
cháidhe.
24 Agus a nofrail bhídh agus a nof-
rála dighe, do na bulóguibh, do na
reithibh, agus do na húanuibh, biaidh do
réir a nuibhre, do réir an gnátha.
25 Agus éinmheannán do na gabhruibh
mar ofráil pheacaidh, táobh amuich don
nofráil loiſcthe ghnáthuigh, & dá hof-
ráil bhídh agus dá hofráil dighe.
26 Agus ar an gcúigeadh lá, náoi
mbulóga, dhá reithe, ceithre huáin déag
don chéaidbhliadhuin gan cháidhe.
27 Agus biáidh a nofráil bhídh, agus
a nofrála dighe, do na bulóguibh, do na
reithibh, agus do na húanuibh, do
réir a nuibhre, do réir an gn
28 Agus éinmheannân mar o
pheacuidh, taobh amuigh don no
loiſcthe ghnáthuigh, agus dá ho
bhídh, agus dá hofráil dighe.
29 Agus ar an ſeiſeadh lá ochd m
ga, dhá reithe, agus ceithre huáin d
don chéidbhliadhain gan toibhéim.
30 Agus a nofráil bhidh, agus a
rála dighe do na bulóguibh, do na
thibh, agus do na húanuibh, biáidh
réir a nuibhre, do réir an ghnátha.
31 Agus éanghabhar mar ofráil phe
aidh, taobh amuigh don nofráil loiſ
ghnáthaigh, agus dá hofráil bhídh, a
dá hofráil dighe.
32 Agus ar an ſeachdmhadh lá, ſea
mbulóga, dhá reithe, agus ceithre h
déug don chéidbhliadhuin gan cháidh
33 Agus a nofráil bhídh, agus a
rála dighe do na bulóguibh, do
reithibh, agus do na húanuibh, biaidh
réir a nuibhre, do réir an ghnátha.
34 Agus éanghabhar mar o
pheacaidh, táobh amuigh don n
loiſcthe ghnáthaigh, & dá hofráil b
agus dá hofráil dighe.
35 Ar an ochdmhadh lá biaidh co
chruinniughadh ſollamanta aguibh
dhéantaoi obair ſháothrach ar bith an
36 Achd ofráilfidh ofráil loiſc
íodhbuirt déanta le teinidh do bhl
chumhra don tighearna, éan bhulóg,
reithe, agus ſeachd nuáin don ch
bhliadhuin gan cháidhe.
37 A nofráil bhídh agus a nof
dighe, don bhulóig, don reithe, a
do na húanuibh, biaidh do réir a nui
do reir an ghnatha.
38 Agus éanghabhar mar ofráil phe
aidh, taobh amuigh don nofráil loiſ
ghnáthuigh, agus dá hofráil bhídh, a
dá hofráil dighe.
39 Do dhéantaoi na neitheſi don ti-
ghearna ann bhur bhféaſtuibh c
táobh ámuigh dá bhur móidibh agus
bhur nofrála toileamhla, ar ſon bhur
nofrálach loiſcthe, agus ar ſon bhur
nofrálach bidh, agus ar ſon bhur no
rálach dighe, agus ar ſon bhur no
lach ſiodha.
40 Agus do innis Maóiſe do chl
Iſrael do réir a nuile ní dar aithin
tighearna do Mhaóiſe.

CAIB. XXX.

Dligheadh na móide. 3. leath a mn móid mbaighdiona. 6 mbná phóſda, 9 treabhthach, & mbná dhealuighthe.

AGus do labhair Maóiſe re ceann
na ttreabh a ttáobh chloinne I
ghá rádh, ſé ſo an ní do aithin
tighearna.
2 Má bheir duine móid don tigh
na, nó má bheir mionna do ch
gal a anma lé banna ; ní bhriſfidh

...ocal, do dhéana sé réir a nuile bhría-
...ra thiocfas amach as a bhéul.
3 Má bheir bean mar an gcéadna
...óid don tighearna, agus í féin do
...heangal a mbanna, a ttigh a hathar
...nn a hóige.
4 Agus go ccluinfe a hathair a móid,
...gus a banna lear cheanguil sí a hanam
...gus go néisthidh a hathair ría: annsin
...easfuid a móide uile, agus seasfuid gach
...anna ler cheanguil sí a hanam.
5 Ach má chrosann a hathair í, an
...á chluinseas sé sin, ní sheasfuidh éan-
...mhóid nó éanbhanna ler cheangail
...í a hanam, agus maithfidh an ti-
...ghearna dhi, do chionn gur thoirmisg
...a háthair í.
6 Agus má bhí fear ar éanchor aice,
...an uair thug sí a móid, nó má labhair
...sí éainní amach as a béul lér cheangail
...sí a hanam;
7 Agus go gcualuidh a fear é, agus
...nír labhair an lá do chúaluidh é: ann-
...sin seasfuidh a móide, agus seasfuidh a
...banna lér cheangail sí a hanam.
8 Ach má neamhaontuigh a fear lé,
...an lá do chúaluidh é; annsin do
...dhéana sé a móid noch do mhóidigh sí,
...agus an ní do labhair sí lé na béul,
...lér cheanguil sí a hanam, gan éifeachd
...air bith; agus maithfidh an tighearna
...dhi é.
9 Ach gach uile mhóid baintrea-
...bhaigh, agus na mná sgartha, ler chean-
...gladar a nanmanna, seasfuidh sé na
...haghaidh.
10 Agus má mhóidigh sí a ttigh a fir,
...nó gur cheanguil sí a hanam le banna
...maille re mionnuibh;
11 Agus go ccúaluidh a fear é,
...agus gur éist ria, agus nar thoirmisc í;
...annsin seasfuidh a móide uile, agus
...seasfuidh gach éanbhanna ler cheanguil
...sí a hanam.
12 Ach ma rinne a fear díomhaoin íad
...an lá do chúaluidh sé íad; annsin gidh bé
...ní thig as a béul amach a ttáobh a móid-
...eadh, nó a ttáobh bhanna a hanma, ní
...sheasfuid síad; do rinne a fear diomh-
...aoin íad, agus maithfidh an tighearna
...dhise.
13 Gach uile mhóid agus gach uile
...mhionna ceangailteach do chrádh a
...hanma, féaduigh a fear a dhaingniugh-
...adh, nó féaduigh a fear a chur ar ccúl.
14 Ach má bhíonn a fear thríd a-
...mach na thochd ó ló go ló; annsin
...daingnidh sé a móide uile, nó na huile
...bhannadha dá bhfuil uirre: comhdhain-
...nigh sé íad, do chionn gur éist se ría,
...annsa ló a ccúaluidh sé íad.
15 Ach má ní sé diomhaoin íad ar
...mhodh ar bith tar éis íad do chloisdean,
...annsin iomchoruidh sé a peacadhsan.
16 Síadso na reachda do aithin an ti-
...ghearna do Mhaóise, idir fhear agus a
...bhean, idir a nathair agus a inghean, ar
...mbeith dhí ann a hóige a ttigh a hathar.

CAIB. XXXI.

Do Chreachadur na Midianuigh. 8 Agus do mharbhadar Baláam.

AGus do labhair an tighearna re Maó-
ise, ghá rádh;
2 Dioghail clann Israel ar na Midian-
chuibh: na dhiaigh sin cruinneochthar
chum do dháoine thú.
3 Agus do labhair Maóise ris an
bpobal, dhá rádh, gabhadh cuid aguibh
airm chum an chogaidh a naghuidh na
Midianach, agus dioghlaidis an tighearna
ar na Midianchuibh.
4 Mile as gach éintreibh, ar fad
treabh Israel uile, chuirfidhe chum an
chogaidh.
5 Mar sin do tugadh amach as mil-
tibh Israel, míle as gach éintreibh, dhá
mhíle dhéug a narm chum coguidh.
6 Agus do chuir Maoise chum an cho-
gaidh iad, míle as gach eintreibh, íadsan
& Phineas mhac Eleasar an sagart, chum
an choguidh, leis na hinnilibh naomhtha
& na stocaibh fhuaimneach, iona laimh.
7 Agus do chathuigheadar a naghaidh
na Midianach mar do aithin an ti-
ghearna do Mhaóise, agus do mharbha-
dar a bhfir uile.
8 Agus do marbhadar fós Righthe na
Midianach, táobh amuigh don chuid eile
dhíobh do marbhadh, Ebhi, & Recem, &
Sur, & Hur, & Reba, cúig Righthe Mí-
dian: Bálaam mar an ccéadna mhac Beor
do mharbhadar leis an ccloidheamh é.
9 Agus do ghabhadar clann Israel
mná na Midianach uile na mbraighde,
agus a leinibh, agus rugadar leó éadail
a náirnéise uile, agus a ttréada uile,
agus a máoin uile.
10 Agus do loisceadar a gcaithrea-
cha uile, ionar áitreabhadar, agus a
gcaisléin sgiamhacha uile le teinidh.
11 Agus rugadar leó na héadála uile,
agus na creacha uile, idir dhuine agus
ainmhidhe.
12 Agus tugadar na braighde & na
creacha & na héadála leó go Maóise, &
go Heleásar an sagart, & go comhch-
ruinniughadh chloinne Israel go nuige an
gcampa a maghuibh Mhoab, noch atá
láimh ré Jordan a bhfogus do Jerico.
13 Agus do chuáidh Maóise agus Eleá-
sar an sagart agus prionnsuidhe an cho-
mhchruinnigh uile amach do theagmhail
riú táobh amuigh don fhoslungphort.
14 Agus do bhí Maóise feargach ré hoi-
figeachuibh an tsluáigh, ris na caiptínibh
ós cionn milteadh, agus ris na caiptínibh
ós cionn chéud, noch tháinic ón chath.
15 Agus a dubhairt Maóise riú,
nar chumhduigheabhair na mná uile na
mbeathaigh?
16 Féuch, tugadar so ar chloinn Is-
rael tré chombairle Bhálaam, peacughadh
a naghaidh an tighearna a gcúis Pheoir,
agus do bhí pláigh a measc chomchruin-
nigh an tighearna.

17 Uime

17 Uime ſin a nois marbhuidh gach
éanſhirionnach a meaſc na mbeag, agus
marbhuidh gach éinbhean agá raibh fios
fir re luighe leis.
18 Ach na leinibh ban uile, ag nach
raibh fios fir re luighe ris, coimhéaduigh
beo iad dháoibh féin.
19 Agus déanuidh comhnuighe táobh
amuigh don champa ſeachd lá, gidh bé
mharbh éainneach, agus gidh bé bhéan
re corp marbh, glanuidh ſibh féin agus
bhur mbraighde ar an treas lá, agus ar
an ſeachdmhadh lá.
20 Agus glanuidh bhur néaduighe, &
gach éainní dá ndeárnadh do chroicnibh,
agus gach uile obair dfionnadh gabhar,
& gach éinni do rinneadh do chrann.
21 Agus a dubhairt Eleáſar an ſa-
gart ris an luchd coguidh, noch do
chuaidh chum an chatha, ſé ſo órdughadh
an dlighe, noch do fhuagair an tigh-
earna do Mhaóiſe;
22 Amháin an tór agus an tairgead,
an prás agus an tiarann, an ſtán agus
an luáighe,
23 A nuile ní dá bhfuileonguidh an
teinidh, do bhéarthaoi air dul thrid
an tteinidh, agus biáidh ſé glan; gi-
dheadh glanfuighear é lé huiſge an
dealuighe: agus a nuile ní nach bhfui-
leang an teinidh, do bhéarthaoi fá deara
a dhul thrid a nuiſce.
24 Agus nighfidhe bhur néaduighe
ar an ſeachdmhadh lá, agus beidhí glan,
agus na dhiaigh ſin tiocfuidhe don
champa.
25 Agus do labhair an tighearna re
Maóiſe, dhá rádh;
26 Glac ſuim na héadala do beanadh
amach idir dhuine agus bheathach, thuſa
agus Eleáſar an ſagart, agus priomh-
aithreacha an chomhchruinnigh:
27 Agus roinn a néadail a ndá chuid,
idir an mhuinntir do ghlac orra an co-
gadh, noch do chuáidh amach ſan chath,
águs eidir an comhchruinniughadh uile.
28 Agus tóg áirdchíos don tighearna
ón luchd coguidh do chuáidh amach
chum an chatha; éanacam as cúig
chéad, do na dáoinibh; agus do na
buáibh, agus do na haſſalaibh, agus do
na cáorchuibh.
29 Buáin dá leathſan, é, agus tabhair
do Eleáſar an ſagart é, mar ofráil thóg-
tha don tighearna.
30 Agus do leath chloinne Iſrael
buáinfe tú éanchuid ronna do cháogad do
na dáoinibh, do na buáibh, do na haſſa-
luibh, & do na tréaduibh, do na huile
fhort áirnéiſi, agus tabhair íad do na
Lebhitibh, noch choimhéadas cúram
thabearnacuil an tighearna.
31 Agus do rinne Maóiſe agus Eleáſar
an ſagart mar do aithin an tighearna
dhíobh.
32 Agus a néadáil, fuighioll na
creiche noch do ghlacadar an luchd co-
gaidh, do bhádar ſé chéad míle agus
ſeachdmhoghad míle, agus cúig
cáora.
33 Agus trí fichthid agus dhá
dhéug bó.
34 Agus trí fichthid agus éan
aſſal.
35 Agus tríochad agus dha
pearſa ſa níomlán do mhnáibh nar
fear ríamh re luighe ris.
36 Agus an leath do budh cuid
don mhuintir do chuáidh amach
an chogaidh, do bhí a nuibhir trí
míle: agus ſeachd míle déag ar f
thid, agus cúig chéad cáora.
37 Agus do bé áirdchíos an tigh
do na cáorchuibh, ſé chéad agus trí
thid agus a cúig déug.
38 Agus do bhádar na ba trí
agus ſé mhíle, agus do bé áirdch
tighearna dhíobh ſin, trí fichthid
dó dhéug.
39 Agus do bhádar na haſſail
míle fhichthiod agus cúig chéad
do bé áirdchíos an tighearna dh
háon agus trí fichthid.
40 Agus do bhádar na dáoi
mhíle dhéag, agus dob é áirdch
tighearna dhíobh, tríochad a
phearſuinn.
41 Agus thug Maóiſe an tá
úadh, noch do bé ofráil thógtha
ghearna, do Eleáſar an ſagart, ma
aithin an tighearna do Mhaóiſe,
42 Agus do leith chloinne Iſrael
do rann Maóiſe ón luchd cogaidh
43 (Annois an leath ráinic don c
chruinniughadh, do budh trí chéad
& ſeachd míle agus cúig chéad c
44 Agus tríochad agus ſé
bó.
45 Agus tríochad míle aſſal a
chéad.
46 Agus ſé mhíle dhéag pearſ
47 Don leathſo chloinne Iſr
thóg Maóiſi éanchuid ronna do c
idir dhuine agus bheathach, agus t
do na Lebhitibh, noch do choimh
ram thabearnacuil an tighearna, m
aithin an tighearna do Mhaóiſe.
48 Agus na hoifigidh do bhí
mílteadh don tſluagh, c
mílteadh. agus caiptinigh céud,
dar a bhfogus do Mhaóiſe.
49 Agus a dubhradar ré Maóiſe
ghabhadar do ſherbhſi h
bhfear cogaidh, noch atá fa ar
agus ni theaſtann duine dhíobh.
50 Thugamar ar a nadhbhar
ráil chum an tighearna, a bhfuair
áon aguinn do ſhéaduibh óir, d
ruidhibh agus do bhráiſléaduibh,
nidhibh, do chluáiſhéaduibh
thaiblibh, do dhéanamh ſíoth
nanam a lathair an tighearna.
51 Agus do ghlac Maóiſe, ag
ſar an ſagart an tór úatha, m
nuile ſhéad oibrighthe.
52 Agus ór na hofrála

ofrálador súas don tighearna ó chaip-
tinibh milteadh agus ó chaiptinibh céud,
do budh sé mhile dhéug agus seachd ccéad
agus caogad secel é.
53 Oir do ghlacadar luchd an cho-
gaidh, éadáil ar leith gach éanduine
dá dhó féin.
54 Agus do ghlac Maóise agus
Eleasar an sagart an tór ó chaipti-
nibh na milteadh agus na gcéad, agus
tugadar é go tabearnacuil an chomh-
chruinnigh, mar chuimhne do chloinn
Israel a lathair an tighearna.

CAIB. XXXII.

Iaradar clann Ruben agus Gad, oighreacht ar taebh thall Jordan. 16 ar chumhnantaibh thaitneamhach.

A Nois do bhi ro mhórán áirnéise
ag cloinn Reuben agus ag
cloinn Ghad; agus a nuáir do chonn-
cadar fearann Jaser agus fearann
Gilead, feuch, go raibh a náit na há.t
áirnéisi.
2 Tangadar clann Ghad agus
clann Réuben, agus do labhradar re
Maoise agus re Heleásar an sagart,
agus re prionnsuidhibh an chomhchruin-
nigh, gá rádh.
3 Atarot, agus Dibon, agus Jaser,
agus Nimrah, agus Hesbon, agus Elea-
leh, agus Sebam, agus Nebo, agus
Beon.
4 Eadhon an tír do bhuáil an tighear-
na a lathair chomhchruinnigh Israel,
is fearann áirnéise é, agus atá airnéis
ag do sheirbhiseachaibh.
5 Ar a nadhbharsin, ar síad, má
fuaramar grása ad radharc, tugthar
an dúthaighsi dod sheirbhiseachuibh mar
sheilbh, agus ná beirthear nonn tar Jor-
dan sinn.
6 Agus a dubhairt Maóise re clan-
naibh Gad, agus re clannuibh Reuben,
an rachuidh bhur ndearbhráithre chum
an chogaidh, agus an suidhse sibhsi
annso?
7 Agus cread fá mímheisnighthi clann
Israel um dhul a nonn don tír nóch
thug an tighearna dhóibh?
8 Mar so do rinneadar bhur naithre
a nuáir do chuir misi ó Chades-barnea
dfeachuin na tíre iad.
9 Oir a nuáir do chuadar súas
go gleann Escol, agus do chonncadar an
fearann, do mheirtnigheadar croidhe
chloinne Israel, nach rachaidís don dú-
thaigh noch thug an tighearna dhóibh.
10 Agus do las fearg an tighearna
an nuairsin féin, agus thug a mhionna
dhá rádh.
11 Go deimhin, ní fhaicfidh éanduine
da ttainic amach as an Negipt ó
fhichthid bliadhan dáois agus os a
chionn, an dúthaigh do mhionna misi
do Abraham, do Isaac, agus do Jácob,
do chionn nar leanadar misi go hionr-
lán.
12 Achd Caleb mhac Jephunneh an
Cenisiteach, agus Josua mhac Nun:
óir do leanadar go hiomlán án tighear-
na.
13 Agus do las fearg an tighearna a
naghuidh Israel, agus do chuir ar
seachrán san bhfásach iad, dhá fhichthid
bhliadhan, nó gur dioghláithrigheadh a
nuile gheinealach do rinne olc a lathair
an tighearna.
14 Agus féachuidh atátháoise ar
néirghe súas a náit bhar naithreadh, bi-
leach dháoineadh péacach, do mhéadu-
ghadh fós dibhfheirge an tighearna a
naghaidh Israel.
15 Oir má fhilltise úadha, fuigfidh
sé iad gan amharus a ris annsa bhfá-
sach, agus scriosfuidh sé na dáoinesi
uile.
16 Agus tangadar a ngar dhó, agus
a dubhradar, do dhéanam manracha
annso dár nairnéis, agus caithreacha
dár ndaoinibh beaga.
17 Achd rachsam féin réidh armtha
roimhe chloinn Israel nó go mbeiream
dá náit iad: agus coimhneochuid ar
náos óg annsna caithreachuibh daingne ar
eagla aitreabhach na tire.
18 Ní fhilleam dar ttighthibh nó go
sealbhuighid clann Israel, gach áon a oigh-
reachd féin.
19 Oir ní iarrfuimne oighreachd maille
riú dontáoibh úd do Jordan nó thairis sin,
do chionn gur thuit ar noighreachd chu-
guinn don táoibhsi do Jordan leith shoir.
20 Agus a dubháirt Maóise riú, má
nithí an nísi, má thig sibh armtha roi-
mhe an tighearna chum cogaidh.
21 Agus go rachtháoi uile armtha
tar Iordan a lathair an tighearna, nó go
ndibrigh sé roimhe amach a naimhde ón
fhiaghnuisi.
22 Agus go ccláoidhfighear an dúthaigh
a lathair an tighearna: annsin fillfidhe
fá dheóigh, agus beithí neimhchiontach a
lathair an tighearna, agus a lathair Is-
rael: agus biaidh an fearannsa na sheilbh
aguibhsi a lathair an tighearna.
23 Achd muna ndearntháoi so, féach-
uidh, do pheacuigheabhair a naghaidh an
tighearna, agus biodh a dhearbh aguibh
go bhfuighidh bhur bpéacuidh amach
sibh.
24 Deanuidh caithreacha dá bhur
ndáoinibh beaga, agus mánracha dá bhur
gcáorchuibh; ach déanuidh an ní tháinic
amach as bhur mbéul.
25 Agus do labhradar clann Ghad,
agus clann Réubenré Maóise, dhá rádh,
Do dhéanuid do sherbhisigh mar do
aithin mo thighearna.
26 Beid ar gclann bheag agus ar
mná, agus ar ttréada, agus ar nair-
néis uile annsin a gcaithreachaibh
Gilead,

27 Ach

27 Achd rachuid do sheirbhísigh thairis, gach éanduine armalta chum an chogaidh do chathughadh roimhe an ttighearna, mar a deir mo thighearna.

28 Mar sin do aithin Maóise dhá ttaóibh do Eleásar an sagart, agus do Josua mhac Nun, agus daithribh onóracha threabh chloinne Israel.

29 Agus a dubhairt Maóise riú, má thiagaidh clann Ghad, agus clann Réuben libh tar Jordan, gach éanduine armtha chum catha a lathair an tighearna, agus go ccloidhfighear an tír romhuibh, annsin do bhearthaói tír Ghilead dhoibh mar sheilbh.

30 Ach muna ndeachaid síad libh a nunn armtha, do gheabhuid sealbh bhur measc a ttír Chanaáin.

31 Agus do fhreagradar clann Ghad agus clann Réuben, gá rádh, mar a dubhairt an tighearna red sherbhíseachuibh, is mar sin do dhéanaimne.

32 Racham thairis anonn armtha roimhe an ttighearna go tír Chanaáin, chor go madh linn ar sealbh don taoibhsi do Jordan.

33 Agus thug Maóise dhóibh, (eádhon) do chloinn Ghad, agus do chloinn Réuben, agus do leath threibhe Mhanasseh mhic Joseph, rioghachd Sihon Rígh na Namoríteach, agus rioghachd Og Rígh Basan, an fearann gun a chaithreachaibh, annsna foirimlibh, mar atáid caithreacha na tíre timchioll fá gcuáirt.

34 Agus do rinneadar clanna Gad Dibon, agus Atarot, agus Aroer.

35 Agus Atrot, Sophan, agus Jaaser, agus Jogbehah.

36 Agus Beitnimrah, agus Betaran, caithreacha chumhdaighe, agus mánracha do chaorchuibh.

37 Agus do chuireadar clann Réuben súas Hesbon, agus Elialeh, agus Ciriataim.

38 Agus Nebo, agus Baalmeon (ar nathrughadh a nanmann) agus Sibmat: agus tugadar anmanna oile air na caithreachaibh do rinneadar.

39 Agus do imigheadar clann Mhachir mhic Manasseh go Gilead, agus do shealbhuigheadar é, agus do chuireadar as seilbh an Tamoríteach do bhí ann.

40 Agus thug Maóise Gilead do Mhachir mhac Manasseh agus do chomhnuigh sé ann.

41 Agus do chuáidh Jair mhac Manasseh, agus do ghlac a mbailte beaga san, agus do ghoir Habhot-Jáir dhíobh.

42 Agus do chuáidh Nobah, agus do ghlac Cenat agus a bhailte beaga, agus do ghoir Nobah dhe do réir a anma féin.

CAIB. XXXIII.

Turuis 42 shloigh Israel sa ... *50 Ordughadh ar duthchusaigh* ... *do scrios.*

SIadso siubhail chloinne Israel, ... do chuaidh amach as ... Hégipte le na slúaghuibh faoi ... Mhaoíse agus Aáron.

2 Agus do scríobh Maóise a ... theachda amach do reir a ... aithne an tighearna, agus a ... tturuis do reir a tteachda amach.

3 Agus do fhágbhadar Rameses ... chéid mhí ar an gcúigeadh lá dé... chéid mhí: ar na mhárach déis ... do chúadar clann Israel amach le ... áird a radharc na Négipteach uile.

4 (Oír do adhluiceadar na ... tigh a nuile chéidgin noch do bh... tighearna na measc: ar na Déi... an gcéadna do rinne an tighearna ... theamhnus.)

5 Agus do áthruigheadar clann ... ó Rameses, agus do áitigheadar ... Sucot.

6 Agus do imthigheadar as Sucot ... do shuigheadar an Etam, noch ... nimiol an fhásuigh,

7 Agus do áthruigheadar as Etam, ... do fhilleadar a rís go Pihahirot, ... atá as coinne Bhaal-Sephon: agus ... shuigheadar as coinne Mhigdol.

8 Agus do ghluáisiodar ó chomhair ... hahirot, agus do chúadar tré ... fairge go nuige an fhásach, agus do ... dar uidhe thri lá a bhfásach Etam, ... do shuigheadar a Márah.

9 Agus do áthruigheadar ó ... rah, agus tangadar go Hélim: ... do bhádar dhá thobar dhéug ... Nelim: agus trí fichid agus ... ccraing phailme; agus do shuigheadar ... annsin.

10 Agus do áthruigheadar as ... agus do fhosadar ag an muir ruáidh.

11 Agus do áthruigheadar ... muir ruáidh, agus do fhosadar a ... fach Sin.

12 Agus do ghluaisiodar ó ... fach Sin, agus do shuigheadar ... Ndophcah.

13 Agus dimhthigheadar ó Dophcah, ... agus do shuigheadar a Nalus.

14 Agus do áthruigheadar ó ... agus do shuigheadar a Rephidim ... áit nach raibh uisge ag na daoinibh ... ól.

15 Agus dfágbhadar Rephidim, ... do shuigheadar a bhfásach Sinai.

16 Agus do áthruigheadar ó ... Sinai, agus do shuigheadar a C... hataabhah.

17 Agus do imthigheadar as C... hataabhah, agus do shuigheadar ... Haserot.

18 Agus do fhágbhadar Haserot, agus
shuigheadar a Ritmah.
19 Agus do fagbhadar Ritmah,
do shuigheadar a Rimmon-
es.
20 Agus do fhágbhadar Rimmon-
es, agus do shuigheadar a Lib-
21 Agus do áithruigheadar ó Lib-
agus do shuigheadar a Rissah.
22 Agus do ghluaisiodar ó Ris-
agus do fhosadar an Cehe-
h.
23 Do imthigheadar as Cehelatah,
do fhosadar a sliabh Sapher.
24 Agus do áthruigheadar ó shliabh
er, agus do fhosadar ag Hara-
25 Do áthruigheadar ó Hara-
agus do shuigheadar a Mache-
26 Agus do áthruigheadar as
helot, agus do fhosadar ag Ta-
27 Agus do fhágbhadar Tahat, agus
huigheadar a Ttarah.
28 Agus do áthruigheadar ó Thárah,
do shuigheadar a Mitcah.
29 Agus do chuadar ó Mhitcah, agus
huigheadar ag Hasmonah.
30 Agus do fhágbhadar Hasmo-
agus do fhanadar ag Mose-
31 Agus do fhágbhadar Moserot,
do shuigheadar ann Bene-
an.
32 Agus do áthruigheadar ó Bhene-
an, agus do chomhnuigheadar ag
hagidgad.
33 Agus do imthigheadar ó Hór-
dgad, agus do shuigheadar an Jot-
34 Do áthruigheadar ó Jotbátah, agus
chomhnuigheadar an Ebrónah.
35 Agus do fhágbhadar Ebrónah,
do shuigheadar ag Esion-gaber.
36 Agus do áthruigheadar ó Esion-
er, agus do shuigheadar a bhfásach
dá ngoirthear Cades.
37 Agus do áthruigheadar ó Chades,
do shuigheadar ar sliabh Hor a
iach fearuinn Edom.
38 Agus do chuáidh Aaron an sagart
go sliabh Hor ar aithne an tighearna,
fuair bás annsin, an ceathrachad
dhain tar éis chloinne Israel do
chd amach as crich na Hégipte,
sa chéad lá don chúigeadh mí.
39 Agus do bhí Aaron céad agus
the agus trí bliadhna dháois a nuáir
g sé a sliabh Hor.
40 Agus do chúalaidh Righ Arad
Cananiteach (noch do áitreabh budh
as a ttír Chánaain) teachd chloinne
el.
41 Agus do fhágbhadár sliabh
, agus do shuigheadar a Sal-
nah.

42 Agus do fhágbhadar Salmónah,
agus do shuigheadar a Bpúnon.
43 Agus do fhágbhadar Púnon, agus
do shuigheadar an Obot.
44 Agus do fhágbhadar Obot, agus
do shuigheadar ag Cárnuibh-Abarim a
tteóruinn Mhoab.
45 Agus do fhágbhadar na Cárna, agus
do fhosadar an Dibon-Gad.
46 Agus do áthruigheadar ó Dhibon-
gad, agus do chomhnuigheadar an Al-
mon-Diblataim.
47 Agus do áthruigheadar ó Almon-
Diblataim, agus do shuigheadar a slé-
ibhthibh Abarim: ós coinne Nébo.
48 Agus do imthigheadar ó shléibh-
tibh Abarim, agus do shuigheadar a
réiteach Mhoab, láimh re Jordan a
bhfogus do Jericho.
49 Agus do shuigheadar láimh ré
Jordan ó Bhet-Jesimot go nuige Abel-
Sittim a réiteach Mhoab.
50 Agus do labhair an tighearna re
Maóise a réiteach Mhoab láimh re Jor-
dan a bhfogus do Jericho, ghá rádh.
51 Labhair re cloinn Israel agus
abair riú, a nuáir rachfáoi rar Jordan go
tír Chánaain.
52 Annsin cuirfidhe amach na huile
dhúthchusaigh a nfearuin as bhur radh-
arc, agus scriosfaidhe a níomháigheadh
uile, agus millfidhe a níomháigheadh
leaghtha uile, agus leagfuidhe sios go
hiomlán a náite árda uile.
53 Agus cuirfidhe na dúthchusaigh
as seilbh an nfearuinn, agus áiteochtháoi
ann: óir thug misi an fearann díbh dá
shealbhughadh.
54 Agus roinnfidhe an fearann lé
crannchar mar oighreachd a measc bhur
ttreabha, agus don luchd is mó do
bhéurtháoi an chuid is mó do noighre-
achd, agus don luchd is lugha do bhéar-
tháoi an chuid is lugha do noighreachd:
biáidh oighreachd gach éanduine mar
a ttuitfidh a chrannchar: do reír tréabha
bhur naithreadh do gheabhthaoi oi-
ghreachd.
55 Ach muna gcurtháoi amach ro-
mhuibh dúthchusaigh an nfearuinn, annsin
tiocfa a gcrich, an chuid dá léigfidhe fui-
reach aguibh, go mbéid na scolbuibh ann
bhur súilibh, agus na ndéalguibh ánn bhur
ttaoibhuibh, agus go mbuáidheoruid
sibh annsa dúthaigh a gcoimhneochtháoi.
56 Tuilleamh oile, tiucfuidh a gcrich
go ndéana misi ribhsi mar do smuáin mé
do dheanamh riúsan.

CAIB. XXXIV.

Téoranna thalamh Chanaain. 16 *agus ainmne an luchd do roinneadh é.*

AGus do labhair an tighearna re Ma-
óisi, dhá rádh.

2 Aithir

2 Aithin do chloinn Israel, agus abair riú, a nuair thiucfuidhe go tír Chánaain, a sé so an fearann thuitfios chugaibhsi mar oighreachd, eadhon fearann Chánaain maille re na theórannuibh.

3 Annsin biáidh bhur gceathramhna budh dheas ó fhásach Sin ar fad láimh ré himlibh Edom, agus budh é bhur tteórann budh dheas fírimiol na fairge sáilte leath shoir.

4 Agus fillfidh bhur tteórann ón táobh ó dheas go hárd Acrabbim, agus roighfigh air fad go Sin: agus biáidh a dhul amach sin ón táobh dheas go Cádes-barnea, agus rachaidh go Hasaraddar, agus rachaidh ar a aghuidh go Hasmon.

5 Agus béaruidh an teórann cumpás lé ó Asmon go sruth na Hégipte, agus budh í an nfairge a dhul amach.

6 Agus ar son na teórann táobh shiar biáidh a nfairge mhór agad mar theóruinn; budh í so do theórann shiar.

7 Agus budh í so do theórann budh thuáidh, ón nfairge mhóir cinnfé tú dhuit féin go sliabh Hor.

8 O shliabh Hor cionnse tú go dul a steach Hamat, agus biáidh dul amach na teórann go Sédad.

9 Agus rachuidh an teóra ar a haghaidh go Siphron: agus biáidh a dul amach ag Haser-Enan, sí so bhur tteóra budh thuáigh.

10 Agus cuirfidhe amach bhur tteórann shoir, ó Hasar-Enan go Sepham.

11 Agus rachaidh an teóra sios ó Shepham go Riblah don táoibh shoir do Ain: agus tiocfa an teora a núas agus roighfigh go taobh fairge Chinneret taobh shoir.

12 Agus rachaidh an teóra sios go Jordan, agus biáidh a dul amach ag an bhfairge shailte: budh í so bhur ndúthaigh maille ré na teórannuibh timchioll fa gcuáirt.

13 Agus do aithin Maóise do chloinn Israel ghá rádh, sí so an dúthuigh do gheabhtháoi a noighreachd le cranchar, noch do aithin an tighearna do thabhairt do na náoi ttreabhuibh agus don leith threibh.

14 Oir do ghlacadar treabh chloinne Réuben do réir thighe a naithreadh, agus treabh chloinne Gad do réir tighe a naithreadh, agus leith threabh Mhanasseh do ghlacadar a noighreachd.

15 Do ghlacadar an dá threibh sin agus an leith threibh a noighreachd don taoibhsi do Jordan láimh re Jericho táobh shoir leath ré heirghe ghreine.

16 Agus do labhair an tighearna ré Maoise, ghá rádh,

17 Siadso ánmanna na ndáoine rannfas an fearann doibh: Eleasar an sagart, agus Josua mhac Nún.

18 Agus geabhtaoi chugaibh éanphrionnsa amháin dá gach treibh do roinn oighreachda an nfearuinn.

19 Agus siadso anmanna na ne: do threibh Júdah Cáleb Jephunneh.

20 Agus do threibh chloinne S Semuel mhac Ammihud.

21 Do threibh Beniamin, mhac Chislon.

22 Agus prionnsa threibhe chl Dan, Buci, mhac Jogli.

23 Agus prionnsa chloinne ar son treibhe chloinne Manassé muel mhac Ephod.

24 Agus prionnsa threibhe ch Ephraim, Cemuel mhac Shiptan.

25 Agus prionnsa threibhe ch Sebulun, Elisaphan mhac Parnach.

26 Agus prionnsa threibhe ch Issachair, Paltiel mhac Assan.

27 Agus prionnsa threibhe ch Aser, Ahihud mhac Selomi.

28 Agus prionnsa threibhe ch Naphtali, Pedahel mhác Ammihud.

29 Siadso do aithin an tighearna roinn na hoighreachda do chloinn a ttír Chánaain.

CAIB. XXXV.

Caithreacha 48 *Na nLebbiteach, ccuiminibh.* 6 *Sé dhíobh arson luchd do dhéana dunmharbhadh runn.* 9 *Reachd ar an dunmar*

AGus do labhair an tighea Maóise a réitheach Mhoab re Jordan a bhfogus do Jericho, rádh,

2 Aithin do chloinn Israel go dáois do na Lebhitibh doighre seilbhe, caithreacha chum co ionta: agus do bhéarthaoi mar na do na Lebhitibh coimin threachaibh na ttimchioll fa c

3 Agus do gheabhuid siad reacha do chomhnuidhe ionta, biáidh a gcoimin agá náirnéis, máoin, agus agá nainmhintidh.

4 Agus (roithfid) coimin na reach, noch do bhéurthaoi do bhitibh, ó bhalla na caithreach sin amach, mile cubhad timch gcuáirt.

5 Agus toimheósuigh sibh ón ruigh amuigh ar an ttáobh shoi mhile cubhad, agus ar an t dheas dhá mhile cubhad, agus ttáobh shiar dhá mhile cubhad, an ttaobh thuáigh dhá mhile cu (biáidh) an cathair a lár: bu bhias doibhsion mar choimin threach.

6 Agus a measc na gcaithreach artháoi do na Lebhitibh, biáidh s reacha chum didin, noch oirdeo don dúnmharbhthach, ionnus g thidh sé chuige: agus

...nsin a dó air cheathrachad
...r sin béid iomlán na gcaithreach
...thaoi do na Lebhitibh, a hochd
...rachad cathair: iad sin do
...i uaibh maille re na ccoi-

...s na caithreacha bhéarthaoi
...d do sheilbh chloinne Israel: ón
...a bhfuil mórán do bhéurthaoi
...; ón luchd gá bhfuil beagán,
...i beagán: do bhéara gach
...e dá chaithreachuibh do na Le-
..., do réir a oighreachda noch
...ghios sé.
...s do labhair an tighearna re
..., dha rádh,
...bhair ré cloinn Israel agus abair
... nuair bheithí ar tteachd a nall
...n go tír Chánaain.
Annsin óirdeochthaoi dháoibh
...eacha do bheith na ccaithrea-
...ídin díbh, chor go tteithfiodh
...bhthóir ionnta, noch mhuirseas
...e tre ainbhfios.
Agus béid aguibh na gcaithrea-
... dídin ón dioghaltach, chor
...fuigh an dúnmharbhthóir, nó go
... sé a lathair an chomhchruinnigh
...eitheamhnus.
Agus biaidh sé caithreacha dídin
... do na caithreachuibhsin do bheur-
...aibh.
Do bhéurthaoi (uaibh) tri caith-
... don táoibhsi do Jordan, agus do
...aoi, tri caithreacha a ttír Chá-
...aibh, noch bhias na gcaithreachaibh

Béid na sé caithreacha sin na
... araon do chloinn Israel agus
...oimhidhtheach, agus don nthior
... eatorra, chor go tteithfeadh
... do ni marbhadh, annsin.
Agus má bhuáileann sé le hinstrui-
... iarruinn é, is go bhfuighe se bás,
...marbhthoir é, cuirfighear an
... go deimhin chum bais.
Agus má bhuáileann é le dornóig
... ré néugfadh sé, agus go bhfuighe
... dúnmharbhthóir é: cuirfighear
...mharbhthóir go deimhin chum

Nó má bhuáileann é lé lámh-arm
..., lé na bhfuigheadh bás, agus go
...ann sé bás, is dúnmharbhthoir é:
...fighear an dúnmharbhthach go
...in chum bais.
Dioghaltóir na fola, is é féin
...eas an dúnmharbhthóir: a nuair
...eamhas sé ris muirfidh sé é.
Ach ma bheir fuathadh air o fhuath,
ná chaitheann éinni air déantoisg,
go bhfuighe sé bas.
Nó má bhuáileann tré aingidhe-
... é lé na láimh, chor go bhfuighe
..., cuirfighear go deimhin an té
... é chum bais: óir is dúnmharbhthóir
...uirfidh fear dioghalta na fola
an dúnmharbhthóir a nuáir theigea-
mhas sé ris.
22 Ach má sháitheann sé é go hobann
gan námhadus, nó má chaith éinni ris,
gan a bheith a noirchill air.
23 Nó le cloich ar bith lér bhféidir
duine mharbhadh, gan a fhaicsin; agus a
chaitheamh ris, chor go néugfadh sé,
agus nach ar námhuid dó é, agus nach
ag iarruidh a dhochuir do bhí sé:
24 Annsin do dhéanuid an comh-
chruinniughadh breitheamhnus idir an
marbhthach agus dioghaltach na fola, do
réir na mbreitheamhnus so.
25 Agus saorfuidh an comhchruinniu-
ghadh an marbhthóir amach as láimh
dhioghaltóra na fola, agus aiseocluidh
an comhchruinniughadh é go cathruigh
a dhídin ionar theith sé: agus fanfuidh
ann go bás a nárdshagairt, noch do
hungadh leis a nola náomhtha.
26 Achd má thig an marbhthóir uáir
ar bith táobh amuigh do imlibh chai-
threach a dhídin, mar ar theith sé.
27 Agus go bhfuighe dioghaltóir na
fola é, táobh amuigh do imlibh chaith-
reach a dhídin, agus go muirfe dioghal-
tóir na fola an marbhthóir, ní budh cion-
tach fola é.
28 Ar a nadhbhar gur chóir dhó
fuireach iona chathruigh dhídin go bás
a nárdshagairt: ach tar eis bhais
a nardshagairt fillfidh an marbhthóir go
dúthaigh a sheilbhe.
29 Mar sin béid na neithesi na rea-
chda breitheamhnuis aguibh ar feadh
bhur sleachda an bhur nuile áitiughadh.
30 Gidh bé mharbhus duine ar bith
cuirfighear an dúnmarbhthóir chum báis
lé béul fiadhuin: achd ni dhéana éain-
fhiadhuin amháin fiadhnuise a naghuidh
éanduine, chum go bhfuigheadh bás.
31 Tuilleamh oile ni gheabhthaoi fuas-
gladh ar bith ar son anma dúnmharbh-
thóra, noch atá ciontach chum báis,
ach cuirfighear chum bais é go deimhin.
32 Agus ni ghéabhthaoi dioghlui-
gheachd ar bith ar son an té do theith
dhá chathruigh dhídin, chor go ttea-
ghadh a rís do chómhnuidhe don dú-
thaigh go nuige bás an tsagairt.
33 Mar sin ní thruaillfidhe an dú-
thaigh ann a bhfuiltí; óir truaillidh a
nfuil an dúthaidh, agus ní héidir an
fearann do ghlanadh ón nfuil dhóirtear
ann, achd lé fuil an té do dhóirt í.
34 Ná salchuidh ar a nadhbharsin an
fearann a mbeiti, mar a gcomhnui-
ghimsi: óir misi an tighearna chomh-
nuighim a measc chloinne Israel.

CAIB. XXXVI.

Reachd a ttimcheall an phósaidh, agus dol na noighreachd.

AGus tangadar cinn aithreadh mhuin-
tire chloinne Gilead mhic Máchir
mhic

mhic Manasseh, do shliochd chloinne Jó-
seph, a lathair, agus do labhradar a
bhfiadhnuise Mhaóise agus a bhfiadhnui-
se na bprionnsadha, eadhon phriomh-
aithre chloinne Israel.
2 Agus a dubhradar, do aithin
an tighearna dar ttighearnanne an dú-
thaigh do thabhairt mar oighreachd le
crannchair do chloinn Israel: agus do
haithnigheadh dom thighearna leis an
ttighearna, oighreachd Shelophehad ar
ndearbhrathair do thabhairt dá in-
gheanuibh.
3 Agus má pósfar iad ré héanduine
do mhacaibh na ttreabh (oile) chloinne
Israel, annsin béurthar a noighreachd
ó oighreachd ar naithreadhne, agus
cuirfighear í a noighreachd na ttreabh
ghéabhus chuca iad: mar sin béarthar
í ó chrannchar ar noighreachdne.
4 Agus a nuáir bhias Jábale chlo-
inne Israel, annsin cuirfighear a noigh-
reachdsan a noighreachd na treibhe chum
a ngéabhthar iad: mar sin tóigfighear a
noighreachdsan ó óighreachd threibhe ar
naithreadhne.
5 Agus do aithin Maóisi do chloinn
Israel do réir bhréithre an tighearna,
ghá rádh, is maith a dubhairt treabh
mhac Jóseph é.
6 Sé so an ní aithnigheas an tighear-
na a ttaóbh inghean Shelophehad, ghá
rádh, Pósaidis leis an té bhus áill leó féin,
amháin lé muinntir threibhe a n...
pósuid siad.
7 Mar sin nach áthrochuidh oigh...
achd chloinne Israel ó threibh go trei...
óir coinneochuidh gach éanduine ...
chloinn Israel é féin do oighreachd...
threibhe a aithreadh.
8 Agus gach uile inghean dá s...
bhuigheann oighreachd a néintreibh ...
chloinn Israel, biáidh na mnáoi ag ...
chineadh threibhe a hathar, ar chor ...
ccuinneochuidh a nuile dhuine do th...
bhuibh chloinne Israel oighreachd ...
naithreadh.
9 Ní mó áthróchus a noighreachd ...
threibh go treibh, achd cuinneochuidh
gach uile dhuine do threabhuibh chloinne
Israel é féin dá oighreachd féin.
10 Do réir mar do aithin an ti-
ghearna do Mhaóise, is mar sin rinne-
dar inghiona Shelophehad.
11 Oir do pósadh Mahlah, Tirsah,
Hoglah, Milcah, agus Noah, inghean
Shelophehad, lé macaibh dhearbhrathar
a nathar.
12 Agus do pósadh iad le cineadh
mhac Manasseh mhic Jóseph, agus do
fhan a noighreachd a ttreibh chinidh a
nathar.
13 Síadso na haitheanta agus na bre-
theamhnuis do aithin an tighearna lé
laimh Mhaóise do chloinn Israel a réitibh
Mhoab ag Jordan láimh re Jericho.

AN CUIGEADH LEABHAR DO MHA-OISI DA NGOIRTHEAR DEUTRONOMI.

CAIB. I.

Ath-aithris ar na tharladh do Israel san fhá-sach. 34 Géursmachd an Tighearna arson mhíchreideamh an phobuil.

Siadso na bríathra do labhair
Maóise re Hisrael uile don
táoibhsi do Jordan annsa bhfá-
sach, annsa réiteach, thall as
coinne na mara ruáidhe, idir
Pháran, agus Tophel, agus Lá-
ban, agus Haserot, agus Disahab.
2 Uidhe éanlá déag ó Horeb a slighe
shléibhe Seir go Cádes-barnea.
3 Agus tárla annsa cheathrachadmhadh
bliadhan san néanmhadh mí déug, ar an
ccéadlá don mhí, gur labhair Maóise re
cloinn Israel do réir a nuile ní do
labhair an tighearna ris do aithne
dhíobhsan.
4 Tar éis Sihon Righ na Namoríte-
ach do mharbhadh dho, noch do áitreibh
ann Hesbon, agus Og Rígh Básan, noch
do áitreibh ann Astarot, ann Edrei.
5 Ar an táoibhsi do Jordán a ttír
Mhoab, do thionnsguin Maoise an dli-
gheadhso dfoillsiughadh, ghá radh,
6 Do labhair an tighearna ar Ndia
rinne ann Horeb, gá rádh, Do fhanabhair
go lór fhad ar a tsliabhso.
7 Fillidh, agus gluáisidh ionbhur slighe,
agus éirghidh go sliabh na Namoriteach,
agus don nuile (áit) láimh ris, annsa
réitheach, annsna cnocuibh, agus annsa
ghleann, agus budh dheas, agus láimh
risan bhfairgè, go dúthaigh na Canaan-
teach, agus go Lebanon, go suighe an
nabhuinn mhóir, abhuinn Euphrates.
8 Feachuidh, do chuir mé an talamh
as bhar gcoinne: éirghidh a steach, agus
sealbhuighidh an fearann do dhearbh an
tighearna dá bhur naithribh, Abraham,
Isaac, agus Jácob, do thabhairt doibh,
agus dá sliochd na ndiaigh.
9 Agus do labhair misi ribhse a

muirsin,

muirſin, gá rádh, ní bhfuilimſi cumur-
ſach ar bhur niomchar leam féin am
aonar.
10 Do mhéaduigh an tighearna bhur
Ndía ſibhſi, agus féuchuidh atátháoi a
niugh mar réulta nimhe ar iomadamh-
lachd.
11 Go ndeárna an tighearna, Día
bhur naithreadh, ſibhſi míle uáir co-
mhiomadamhuil is tátháoi, agus go
mbeannuighidh ſé ſibh mar do gheall
ſé dhíoibh.
12 Cionnus is éidir liomſa amháin
bhur ngéiram diomchar, agus bhur núa-
lach, agus bhur nimreaſuin?
13 Glacuidhſi chugaibh dáoine críonna,
agus tuigſionacha, agus aitheanta a measc
bhur ttréabha, agus do dhéana miſi
uachdaráin díobh ós bhur gcionn.
14 Agus do fhreagrabhairſi mé, agus
a dubhrabhair, An ní do labhair tú is
maith dhúinne a dhéanamh.
15 Annſin do ghlac mé togha bhur
ttreabh, dáoine críonna glioca agus ai-
theanta, agus do rinneas cinn díobh ós
bhur gcionnſa, caiptínigh ós cionn mhíl-
eadh, agus caiptínigh ós cionn chéud,
agus caiptínigh ós cionn cháogad, agus
caiptínigh ós cionn deithneamhair, agus
oifigidh a measc bhur ttreabh.
16 Agus do chuir mé an tanſin dú-
thrachd ar bhur mbreitheamhnuibh, gá
rádh, Eiſtigh na cúiſionna idir bhur
ndearbhraithreibh, agus beíridh breath
go ceart idir gach éanduine agus a dhear-
bhráthair, agus an coimhidhtheach bhías
na fhochair.
17 Ní thiubharthaoi meas ar phear-
ſannaibh a mbreithneamhnus, achd éiſt-
fidhe an beag mar an mór; ní bhiáidh
eagla oruibh re gnúis dhuine, óir is lé
Día an breitheamhnus: agus an chúis
bhías rochruáidh oruibh, tugaidh chu-
gamſa, agus éiſtfe me í.
18 Agus do aithin me dhibh a nu-
áirſin a uile ní budh cóir dháoibh a
dhéanamh.
19 Agus a nuáir do ghluaiſiomar as
Horeb, do chuamar thríd an bhfá-
ſach mór uathbhásach uile, noch do
chonncabhair ar ſlighe ſhléibhe na Na-
moríteach, mar do aithin an tighearna
ar Ndía dhúinn, agus tangamar go Cádeſ-
barnea.
20 Agus a dubhairt miſi ribh, than-
gabhair go ſliabh na Namoriteach noch
do bheir an tighearna ar Ndia
dhúinn.
21 Féuch, do chuir an tighearna ar
Ndía an dúthaigh romhuibh: éirghidh
agus ſealbhuighidh í, mar a dubhairt an
tighearna Día bhur naithreadh; ná hime-
aghluighigh, & na bíodh mímheiſneach
oruibh.
22 Agus tangabhair a ngar dhamhſa,
gach áon aguibh, agus a dubhrabhair,
cuirfeam dáoine romhuinn, agus ſpíonfuid
ſiúd an dúthaigh, agus do bhéaruid
ſcéula chuguinn cia an tſlighe a
gcaithſeam dul ſúas, agus cía híad na
caithreacha a racham.
23 Agus do thaitin an glór ri-
omſa go maith, agus do thogh mé
dhá fhear dhéug aguibh, áon as gach
treibh.
24 Agus do fhilleadar, agus do chú-
adar ſúas annſa tſliabh, agus tangadar
go gleann Eſcol, agus do ſpíonadar
amach é.
25 Agus do ghlacadar cuid do tho-
radh na tíre ann a lámhuibh, agus thuga-
dar leó a núas chuguinn é, agus thuga-
dar ſcéula chuguinn a ris, agus a du-
bhradar, is maith an talumh é, noch do
bheir an tighearna Día dhúinn.
26 Gidhheadh níor bháill libhſi dul
ſúas, ach do rinneabhair cathughadh a
naghuidh aithne an tighearna bhur Ndía.
27 Agus do rinneabhair ithiomrádh ann
bhur loiſtinibh, agus a dubhrabhair, do
chionn go raibh fúath ag an ttighearna
oruinne thug ſé amach ſinn as crích na
Hégipte, dar ttabhairt a lámhuibh na
Namoríteach dar marbhadh.
28 Cáit a rachum ſúas? do dhroich-
mheiſnigheadar ar ndearbhráithre ar
gcroidhe, dhá rádh, Is mó agus is ár-
rachduigh na dáoine (úd) ná ſinne, a-
táid na caithreacha mór agus ár na mbal-
lughadh ſúas go neamh, agus fós do
chonncamar mic Anacim ann.
29 Annſin a dubhairt miſi ribh, ná
chriothnuighidh, agus nar ab mó bhias
eagla oruibh rompa.
30 Troidfidh an tighearna bhur Ndía
ar bhur ſon, noch théid romhuibh do
réir a nuile neithe do rinne ar bhur
ſon ſan Négipt as coinne bhur ſúl.
31 Agus annſa bhfáſach mar a bhfa-
ca tú cionnus do iomchair an tighearna
do Dhía tú, mar díomchóradh duine
a mhac, annſa nuile ſhlighe dá ndea-
chabhair, nó go ttangabhair a ſteach
don náitſi.
32 Gidheadh annſa niſi níor chreidea-
bhair an tighearna bhur Ndía,
33 Noch do chuaidh romhuibh annſa
tſlighe do thogha áite amach dhibh ann
a ſuigheochadh ſibh bhur lóiſtinigh, a
tteinidh ſan noidhche do thaisbéanadh
dháoibh cía an tſlighe ann a ngéubhadh
ſibh, agus a néull ſan ló.
34 Agus do chúalaidh an tighearna
fuáim bhur mbriathar, agus do bhí
féarg air, agus do mhionnuigh ſé, dhá rádh.
35 Go deimhin ní fhaicfidh duine
dhiobhſo, an droichghinealachſa, an dú-
thaigh mhaithſi, noch do mhionnuigh
miſi do thabhairt dá bhur naithribh;
36 Achd amháin Cáleb mhac Jephun-
neh do chiſe ſeiſion í, agus is dóſan do
bhéura mé an tír air ar ſhaltuir ſé, agus
dá chloinn, do chionn gur lean ſé go
hiomlán an tighearna.
37 Mar an gcéadna do bhí an tighearna
feargach, riumſa ar bhur ſonſa dhá radh.
Ní racha tú ann ſúd a ſteach.

38 Achd Josua mhac Nun, noch sheassas ad lathair rachaidh sé ann a steach. Cuir meisneach ann: óir do bhéura sé ar Israel an noighreachd do shealbhúghadh.

39 Os a chionn sin bhur ndáoine beaga, noch a dubhrabhair a bheith na ccreich, agus bhur cclann ag nach raibh fios uilc nó maitheasa san ló sin, rachuid siadsion ann a steach, agus is dóibhsion do bhéura mé é, agus sealbhochuid siad é.

40 Achd ar bhur sonsa, fillidh agus éirghidh ann bhur slighe a steach chum an nfásuigh a slighe na mara ruaidhe.

41 Annsin do fhreagrabhairsi, agus a dubhrabhair riumsa, do pheacuigheamar a naghaidh an tighearna, rachum súas agus troidfiom dó réir a nuile neithe do aithin an tighearna ar Ndía dhinn: agus a nuáir do iadh gach áon aguibh é féin na arm cogaidh, do bhábhair ullumh chum dul súas annsa chnoc.

42 Agus a dubhairt an tighearna riumsa, abair riú, Ná héirgidh súas agus ná troididh; óir ní bhfuilimsi bhur measc, deagla go muirfidhe sibh a lathair bhur námhad.

43 Mar sin do labhair mé ribh, agus níor éisteabhair rium, achd do chathuigheabhair a naghuidh aithne an tighearna, agus do chúabhair go handóthchusach súas sa chnoc.

44 Agus tangadar na Hamorigh, noch do áitreibh annsa tsliabhsin, amach ann bhur naghaidh, agus do ruáigeadar sibh mar do níd beiche, agus do scriosadar sibh a Seir, go nuige Hormah.

45 Agus dó fhilleabhair, agus do ghuileabhair a lathair an tighearna, achd níor éist an tighearna re bhur nglór, agus ní thug clúas dáoibh.

46 Mar sin do fhanabhair ann Cádes mórán do laéthibh, do réir na laétheadh do fhanabhair annsin.

CAIB. II.

Cia fearann ar nach budh cóir ionnsaidh do thabhairt. 27 Agus cia do bhí ceaduighthe a chosnamh.

ANnsin do fhilleamar águs do ghluaiseamar don nfásach a slighe na mara ruaidhe, mar do labhair an tighearna riumsa, agus do thimchiollamar sliabh Seir mórán do laéthibh.

2 Agus do labhair an tighearna riomsa, ghá rádh,

3 Do thimchiollabhair an sliabhso lór a fhad; filligh budh thuáigh.

4 Agus aithinsi don phobal, ghá rádh, Caithfidhe gabhail tré imiol thíre bhur ndearbhráithreach, clann Esau, noch áitreabhus a Seir, agus biáidh eagla aca romhuibh: uime sin biodh a mhaith aguibhsi oruibh féin.

5 Ná beanuidh riú, oir ní thiubhra misi dhaoibh dá bhfearann, ní thiubhrad leithead éantroighe amháin, do chionn go ttug mé sliabh Seir do Esau mar sheilbh.

6 Ceinneochtháoi bíadh úatha ar airgead, chor go níostáoi, agus cinneochtháoi fós uisge úatha ar airgead, chor go niobhtháoi.

7 Oír do bheannuigh an tighearna do Dhía thusa ann uile oibreach do láimhe: atá fios bhur naistior aige thríd an bhfásach mhórsa: do bhí an tighearna do Dhia an dá fhichthid bliadhanso maille riot, ní raibh easbhaidh ar bith ort.

8 Agus a nuáir do chuamar thar ar ndearbhráithribh, clann Esau, noch do áitribh ann Seir, tré shlighe an réitigh ó Elat agus ó Hesion-gaber, do fhilleamar agus do chúamar a slighe fhásaigh Mhoab.

9 Agus a dubhairt an tighearna riomsa, ná buáidhrigh ná Moabitigh agus na déanuigh imreasuín riú a gcath, óir ní thiubra misi dháoibh dá bhfearann mar sheilbh, do chionn go ttug mé Ar do chloinn Lot mar sheilbh.

10 Do áitreabhadar na Hemimigh ann sin a nallúd, daoine mora lionmhara árrachda mar na Hanacimigh;

11 Noch ar a raibh mar an ccéadna meas aitheach, do nós na Nanacimeach, achd Emimigh ghoirid na Moabitigh dhiobh.

12 Do áitreabhadair na Horimigh mar an gcéadna a Seir san naimsir roimhe, achd is íad clann Esau tháinig na ndíaigh a nuáir do dhíbreadar as a radharc íad, agus do áitreabhadar na náit, mar do ni Israel re dúthaigh a sheilbhe, noch thug an tighearna dhóibh.

13 Annois éirghidh súas, arsa misi, agus téighidh thar abhuinn Sered: agus do chuámar thar abhuinn Sered.

14 Agus na laéthe iona ttangamar ó Chades-barnea nó go ndeachamar tar abhuinn Sered ba hochd mbliadhna déug air fhithchid íad, nó gur leaghadar a nuile gheinealach don luchd cogaidh a measc an tslóigh, mar do mhionnuigh an tighearna dhóibh.

15 Oir go deimhin do bhí lámh an tighearna na naghaidh dá scrics as measc an tslóigh, nó gúr díoghbháidheadh íad.

16 Marsin tháinic a ccrích a nuáir do díoghbháidheadh an luchd cogaidh uile, agus do éugadar ó bheith a measc an phobail,

17 Gur labhair an tighearna riumsa, ghá rádh,

18 Rachuidh tú anonn tré Ar, annsa ló a niugh a tteóruinn Mhóab.

19 Agus a nuáir thiocfas tú a bhfo-
gus thall as coinne chloinne Ammon, ná
buaidhrigh íad, agus ná beanuidh riú;
óir ní thiubhra miſi ſealbh ar bith
dhóibh do dhúthuigh chloinne Ammon;
óir thug mé do chloinn Lot í mar ſheilbh:
20 Do meaſadh mar an gcéadna gur
dúthaigh aitheach ſin, aithigh do ái-
treabh annſin ſan tſeanaimſir, agus do
ghoirdís na Hammonítigh Samſumimigh
dhíobh.
21 Daoine móra líonmhara árrachda
mar na Hanacimigh: achd do ſcrios an
tighearna íad rompa, agus tangadar-
ſan na ndiáigh, agus do áitreabhadar
na niniod.
22 Mar do rinne ſé ré cloinn Eſau,
noch do áitreibh ann Seir, a nuáir do
ſgrios ſé na Horimigh rompa, agus tan-
gadarſan na ndiáigh, agus do áitrea-
bhadar na náit gus a niugh.
23 Agus na Habhimigh, noch do
chomhnuigh ann Haſerim go nuige Aſ-
ſah, do dhibreadar na Caphtorimigh
iadſin, noch tháinic amach as Caphtor,
agus do áitreabhadar na nionad.
24 Éirighſi ſúas, gluáiſigh ann bhur
turus, agus imthighidh a nonn thar a
nabhuinn Arnon: féuch, thug mé ad
láimh Sihon an Tamoriteach Rígh Heſ-
bon & a dhúthaigh: tionnſcain a ſeal-
bhughadh, agus troid ris a ccath.
25 A niugh thoiſeochus miſi ar uamh-
an agus eagla romhadſa do chur ar a
bhfuil faoi neamh uile, noch chluinfeas
tuaruſcbháil ortſa; agus criothno-
chaid, agus béid a ndoilghios ar hea-
ghaſa.
26 Agus do chuir mé teachda amach
as ſáſach Cedemot, go Sihon Rígh
Hesbon lé bríathruibh ſíothchána, dhá
rádh.
27 Léig dhamhſa gabháil thríd do
dhúthaigh: imeócha mé romham annſa
tſlighe mhóir, agus ní iontócha mé ar an
láimh dheis nó ar an láimh chlé.
28 Reacfaidh tú biadh riom ar air-
gíod, go nithe mé, agus do bhéura tú
dhamh uiſge ar airgiod go nólfa mé:
amháin ſiubholuigh mé romhum dom
chosuibh.
29 Mar do rinneadar rium clann E-
ſau noch áitreabhus a Seir, agus na
Moabitigh noch áitreabhus ann Ar, nó
go ndeachuidh mé anonn thar Jordan
don dúthaigh do bhéir an tighearna ar
Ndía dhúinn.
30 Achd níor áill lé Sihon Rígh Heſ-
bon léigean dúinn gabháil thairis: óir
do crúadhuigh an tighearna bhur Ndíaſa
a ſpiorad, agus do rinne ſé a chroidhe
eaſumhal, chor go ſeachódadh ſé ad lá-
imhſe é, [mar as follus] a niugh.
31 Agus a dubhairt an tighearna
riumſa: Féuch do thoſuigh mé ar Sihon
agus ar a dhúthaigh, do chur romhad:
toſuighſi a ſealbhughadh, go madh leachd
a dhúthaigh a noighreachd.
32 Annſin thainic Sihon amach ar
naghuidh, é féin agus a dhaoine uile do
throid ag Jahas.
33 Agus do ſheachuid an tighearna ar
Ndía romhuinn é, agus do bhuáileamar
é féin agus a chlann, agus a dháoine
uile.
34 Agus do ghabhamar a chaithrea-
cha uile fa namſin, agus do bhuaileа-
mar thríd amach na dáoine agus a
cclann bheag ann gach aon chathair,
níor fhágbhamair áon na bheathaigh.
35 Amháin do thógbhamar a náirnéis
chuguinn féin mar chreich, agus éadail
na ccaithreach noch do ghabhamar.
36 O Aroer, noch atá ar bhrúách
na habhann Arnon, agus ón chathruigh
atá láimh ris an nabhuinn go nuige Gi-
lead, ní raibh aon chathair amháin ró-
láidir dhúinn, do ſheachuid an tighear-
na ar Ndía dhúinn uile íad.
37 Amháin go dúthaigh chloinne Am-
mon ní thangabhair, nó go héanáit don
nabhuinn Jabboc, nó do na caithreachaibh
ann ſna ſléibhtibh, nó go héanáit dar
thoirmiſg an tighearna ár Ndía oruinn.

CAIB. III.

An cor ar bhuaghuigh Iſrael ar Og rí Bhá-ſan. 12 Crannchar ſhliochd Reuben & Gad. 23 Ní bfuair Maoiſe dul a ſleach a ttír Chanaain.

ANn ſin do iontoigheamar, agus thá-
inic Og Rígh Báſan amach ar
naghuidh, é féin agus a dháoine uile
chum catha, ag Edrei.
2 Agus a dubhairt an tighearna ri-
omſa, ná bíodh eagla ort roimhe; óir
do bhéara miſi é féin agus a dhaoine uile,
agus a dhúthaigh ad láimh, agus do
dhéana tú ris mar do rinne tú ré Sihon
Rígh na Namoriteach, noch do áitribh
an Heſbon.
3 Mar ſin thug an tighearna ar Ndía
ann ar lámhuibh mar an gcéadna Og
Rígh Báſan, agus a dháoine uile, agus
do bhuáileamar é go nár ſágbhadh
áonnduine béo aige.
4 Agus do ghabhamar a chaithreacha
uile an tanſin; ní raibh cathair aca
nach ar bhaineamar dhíobh: trí fich-
thid cathair, tír Argob uile, ríoghachd
Og a Mbaſan.
5 Do chumhduigheadh na caithreacha
uile le balluighibh arda, lé geatuidhibh
agus lé barruidhibh, taobh amuigh do
mhórán mór do bhailtibh gan bhalla.
6 Agus do ſcrioſamar thríd amach
uile íad, mar do rinneamar re Sihon
Rígh Hesbon, ag ſcrios go hiómlán na
bhfear, na mban, agus na leanamh an
gach aonchathair.
7 Achd do ghlacamar mar chreich
dhuinn féin a náirnéis uile, agus éadáil
na gcaithreach.
8 Agus do bhaineamar a nuáir ſin

amach as láimh dhá Rígh na Namoríteach, an dúthaigh do bhí don táoibhsi do Jordan, ó abhuinn Arnon go sliabh Hermon.

9 An Hermonsin as de ghoirid na Sidonianuigh Sirion: agus goirid na Hamorítigh Senir dhe.

10 Caithreacha an réitigh uile agus Gilead uile, agus Básan uile go Salchah agus Edrei, caithreacha do ríoghachd Og a Mbasan.

11 Oír do bé Og Righ Basan amháin do mhair dfuighioll na naitheach; féuch do bhí a leaba na híarann; nach bhfuil sí a Rabbat chloinne Ammon? náoi ccubhaid do bhí na fad, agus ceithre cubhaid na leithead do réir chubad fir.

12 Agus thug misi an dúthaighsi, noch do shealbhuigheamar a nuáir sin, ó Aroer, noch atá láimh ris a nabhuinn Arnon, agus leath sléibhe Gilead agus a ccaithreacha sin, do na Reubenitibh, agus do na Gaditibh.

13 Agus thug mé an chuid oile do Ghilead, agus Basan uile eadhon ríoghachd Og, do leith threibhe Manasseh; ríoghachd Argob uile maille re Basan uile, noch dá ngorthaoi dúthaigh na naitheach.

14 Do ghlac Jair mhac Manasseh tír Argob uile go himlibh Gesúri agus Maachati; agus do ghoir dhíobh do réir a anma féin Basan-Habhotjair gus a niugh.

15 Agus thug mé Gilead do Mhachir.

16 Agus thug mé ó Ghilead go sruth Arnon do na Reubenitibh agus do na Gaditibh, leath an ghleanna, agus an timiol air fad go sruth Jabboc, noch is teóra do chloinn Ammon:

17 An réiteach fós, agus Jordan agus an teóra ó Chinneret go nuige fairge an réitigh, a nfairge shailte, fáoi Asdot-Pisgah táobh shoir.

18 Agus do aithin misi dháoibh a nuairsin, dhá rádh, thug an Tighearna bhur Ndía an fearannsa dháoibh dá shealbhughadh: rachtháoi thairis armtha a lathair bhur ndearbhráithreach, clann Israel, a nuile dhuine dá bhfuil iomchubhaibh chum an chogaidh.

19 Ach fanfaid bhur mná agus bhur cclann bheag agus bhur náirnéis ann bhur gcaithreachaibh, nóch thug misi dáoibh (óir atá a fhios agum go bhfuil iomad áirnéisi aguibh;)

20 Nó go ttugaidh an tighearna suáimhneas dá bhur ndearbhráithribh comhmaith agus dáoibhsi, agus nó go sealbhuighid siad mar an gcéadna an fearann thug an tighearna bhur Ndia dhóibh táobh thall do Jordan; agus annsin fillfidhe, gach éanduine aguibh chum a sheilbhe, noch thug misi dháoibh.

21 Agus do aithin misi a nuáirsin do Josua, ghá rádh, do chonncadar do shúile gach ni dá ndearna an tighearna do Dhía ris an dá Ríghsé: mar sin dhéunas an tighearna ris gach uile ríoghachd a ngéabha tusa.

22 Ní bhiáidh eagla oruibh rompa: óir troidfidh an tighearna bhur Ndia ar bhur son.

23 Agus do ghuidh misi an tighearna fá namsin, ghá rádh,

24 A thighearna Día, do thosuighis ar do mhórdhachd, agus do láimh chumhachduigh do thaisbeanadh dod sheirbhfoghantuigh; óir cía an Día ar neamh nó ar talamh fhéudas a dhéanamh do réir hoibreachsa, agus do réir do neirt?

25 Guidhim thú, léig dhamh dul anonn dféachuin a nfearuinn mhaith atá táobh thall do Jordan, an sliabh maith sin, agus Lebanon.

26 Ach do bhí an tighearna feargach riomsa ar bhur sonsa, agus níor éisd leis méisdeachd: agus a dubhairt an tighearna riom, Go madh lór dhuit sin, ná labhair ní is mó rium fá nadhbharsa.

27 Eirigh súas go mullach an chnoic, agus tóg súas do shúile leath shíar, agus leath thuáigh, leath shoir agus leath theas: agus féuch é led shúilibh, óir ní racha tú tar an Jordanso anonn.

28 Ach aithin do Josua, agus cuir meisneach ann, agus neartuigh é, óir rachuidh seision anonn roimhe na dáoinibhsi, agus do bhéura sé orra an dúthaigh do shealbhughadh a noighreachd, noch do chífe tusa.

29 Mar sin do chomhnuigheamar sa ngleann thall as coinne Bheth-Peor.

CAIB. IV.

Brosdughadh chum umhlachd. 41 Na trí chaithreacha dídne ar thaobh thall Jordain.

ANnois ar a nadhbharsin éistigh, ó a Israel, ris na reachduibh agus ris na breitheamhnusuibh noch do mhúin mé dháoibh chum a ndeanta, chor go mairfidhe, agus go rachtháoi a sdeach, agus go sealbhuighthaoi an dúthaigh do bheir an tighearna Día bhur naithreach dháoibh.

2 Ní chuirfidhe a gcionn an nfocail aitheanus misi dhíbh, ní mó laighdeochtháoi éinni dhe, chor go gcoimhéadfidhe aitheanta an tighearna bhur Ndía, noch aithnighimsi dhíbh.

3 Do chonncadar bhur súile féin cred do rinne an tighearna a ttáobh Bhaal-Peor: óir a nuile dhuine dar lean Baal-Peor, do scrios an tighearna bhur Ndía as bhur measc íad.

4 Ach sibhsi, noch do ghreamuigh don tighearna bhur Ndía, atátháoi beo gach éanduine aguibh a niugh.

5 Féuchaidh, do mhúin mé dháoibh reachda, agus breitheamhnuis do réir mar do aithin an tighearna mo Dhía dhí-

cam,

om, ionnus go ndéunláoiſi ſin annſa tír
a bhfuiltí ag dul dá ſealbhughadh.
6 Coimhéuduigh uime ſin, agus déa-
nuidh [íad], óir is í ſo bhur ccríonn-
achd agus bhur ttuígſin a rádharc na gci-
neadhách, noch chluinſeas na ſtatúideſi
uile, agus a déara, Go deimhin is dáoi-
ne críonna agus tuigſeacha an cineadh
mórſa.
7 Oír cía he an cineadh atá comh-
mór ſin, a bhfuil Día comhfhogus ſin
dóibh, martá an tighearna ar Ndí-
aine annſna huile neithibh a ngoir-
mid air?
8 Agus cía an cineadh comhmór ſin
agí bhfuilid reachda agus breitheamhnuis
coimhcheart ris an dligheadhſo uile, noch
órduighimſi dháoibh a niugh.
9 Amháin tabhair aire dhuit féin, &
coimhéud thanam go dúthrachdach,
deagla go ndearmadſa na neithe do
chonnairc do ſhúile, agus deagla go
ttarfaidís ré do chroidhe uile laétheadh
do bheatha: achd múin dod mhacuibh
íad, agus do mhacuibh do mhac.
10 (Go háirigh) an lá do ſheas tú a
bhfiadhnuiſi an tighearna do Dhía, ann
Hóreb, a nuáir a dubhairt an tighearna
riumſa, cruinnigh chugam na dáoine a
bhfochair a chéile, agus do bhéara mé
orra mo bhríathra do chloiſdin, chor go
bhfoghlamuid eagla do bheith aca ro-
mham ar feadh laétheadh a ſaoghail ar
an ttalamh, agus chor go múinfid a
cclann.
11 Agus tangabhairſi a bhfogus, agus
do ſheasabhair faoi an tſlíabh, agus do
las an ſliabh lé teinidh go nuige leath
nimhe, le dorchadas le néuluibh agus
lé ceó.
12 Agus do labhair an tighearna ribh
as lár na tineadh: do chúalabhair
fuáim na mbríathar, achd ni fhaca-
bhair ſamhlughadh ar bith, achd a-
mháin go ccúalabhair guth.
13 Agus do fhoillſidh ſé dháoibh a
chunnradh, noch do aithin ſé dhíbh do
choimhlíonadh, eadhon deith naithean-
ta, agus do ſcríobh ſé íad a ndá chlár
chloiche.
14 Agus do aithin an tighearna dhi-
omhſa a nuáirſin reachda do mhúnádh
dháoibh agus breitheamhnuis, chor go
ndéantáoi íad annſa dúthaidh a rach-
tháoi a nunn dá ſealbhughadh.
15 Tugaidhſi ar a nadhbharſin aire
mhaith dháoibh fein: óir ní fhacabhair
gné ar bith ſhamhluighthe an lá do la-
bhair an tighearna ribh an Hóreb amach
as lár na teineadh.
16 Deagla go ttruaillſidhthigh ſibh
féin, agus go ndéanaidh ſibh íomháigh
ghrabhálta, coſamhlachd fhidhreach ar
bith, cóſamhlachd fir nó mná.
17 Coſamhlachd éainbheathaigh dá
bhfuil ar an ttalamh, coſamhlachd eóin
air bith ſciathanuigh, noch eitiollus ſan
naier.
18 Coſamhlachd éainneithe dá nagluai-
ſionn ar an dtalumh, coſamhlachd éiſc
ar bith dá bhfuil ann ſna huiſgedhibh
fáoi an dtalamh.
19 Agus deagla go ttóigfeá do
ſhúile ſúas chum nimhe a nuáir do chi-
feá an ghrían agus an ghealach, agus na
réulta, ſluagh nimhe uile, go ttáireong-
tháoi thú chum á nadhartha agus do
dhéanamh ſerbhiſe dhóibh, noch do roinn
an tighearna do Dhia rís a nuile chi-
neadh fáoi neamh uile.
20 Ach do ghlac an tighearna ſibhſi,
agus thug amach ſibh as an bhfuirnéis
íaruinn, amach as an Négipt, go mbeith
ſibh mar phobal oighreachda aige féin
mar atátháoi a niugh.
21 Os a chionn ſin do bhí an ti-
ghearna feargach riumſa ar bhur ſonſa,
agus do mhionnaigh ſé nach rachfuinn
anonn tar Jordan, agus nach rachfuinn
a ſteach don dúthaigh mhaithſin, noch
do bheir an tighearna do Dhia dhuitſi
mar oighreachd.
22 Ach caithfidh miſi bás dfagháil
annſa tírſi; caithfidh me gan dul a-
nonn tar Jordan: ach rachtháoiſi a-
nonn, agus ſealbhochuidhe an fearann
maithſin.
23 Tugaidh bhur naire dhibh féin
deagla go ndearmadadh ſibh cunnradh
an tighearna bhur Ndía, noch ho rinne
ſé ribh, agus go ndéanadh ſibh dhíbh
féin íomháighe ghrabhálta, nó coſamh-
lachd éanneithe dár thoirmiſc an tigh-
earna bhur Ndía oruibh.
24 Oir is teinidh dhíoghbhálach an
tighearna bhur Ndía, Dia éadmhar.
25 A nuáir gheinſeas tú clann agus
clann chloinne, agus fhanfuidhe a bhfad
annſa dúthaigh agus thruaillfighidh ſibh
féin, agus do dheantáoi íomhaigh ghra-
bhálta dhíbh féin, no coſamhlachd neithe
ar bith, agus do dhéantáoi olc a bhfiadh-
nuiſi an tighearna bhur Ndía dá bhroſtu-
ghadh chum feirge:
26 Goirimſi neamh agus talumh dfia-
ghnuiſi bhur naghuidh a niugh, go
ſgrioſſuíghear ſibh go haithghearr thríd
amach as an ndúthaigh ann a bhfuilti ag
dul anonn tar Jordan dá ſealbhughadh:
ní fhaideochtháoi bhur laéthe uirre,
achd ſgroiſſuighear ſibh go huilidhe.
27 Agus ſpréighfidh an tighearna
ſibh a meaſc na gcineadhach, agus fáig-
fighear ſibh beag a nuibhir a meaſc na
ngeinteadh mar a mbéuruidh an ti-
ghearna ſibh.
28 Agus annſin do dhéantáoi ſerbhís
do Dhéeibh, oibreacha lámh dáoine, do
chrann agus chloich, nach bhfaiceann fós,
agus nach ccluineann, nach itheann agus
nach bholtanuigheann.
29 Achd má ghuidheann tú an tighear-
na do Dhía as ſin, do gheabha tú é,
má íarrann tú od uile chroidhe, agus od
uile anam é.
30 A nuáir bhías tú a mbuaidh-
readh

readh, agus thiocfas na neithesi uile
ort, eadhon annsna laéthibh deigheana-
cha, má fhilléann tú chum an tighearna
do Dhía, agus go mbia tú umhal dá
fhocal:
31 (Oir an tighearna do Dhía as
Día grásamhuil é) ni thréigfe sé thú,
agus ni sgriosfa sé thú, agus ni
mó dhearmadfaidh sé cunnradh ha
ithreach, noch do mhionnuigh sé
dhóibh.
32 Oir fiafruighe á nois ó na laéthibh
do chuaidh thort, noch do bhí romh-
ad, ón ló fár chruthaigh Día an duine
ar an ttalumh, agus [fiafruigh] ón
ttaobh go chéile do fhlaitheamhnus,
an raibh leithéid an neithe mhóirsi,
nó ar chlos a leithéid?
33 An ccúaladar dáoine riamh
guth Dé ag labhairt amach as lár na
teineadh, mar do chúala tusa, agus
é mharthuinn?
34 Nó ar ghabh Día a láimh im-
theachd agus cineadh do ghlacadh
chuige as lár cinidh eile, lé cathui-
ghibh, lé comharthuibh, agus lé hion-
gantuibh, agus lé cogadh, agus le
láimh laidir, lé láimh shínte amach,
agus lé húathbhásuibh móra, do réir
a nuile neithe dá ndearna an tighearna
bhur Ndia ribhsi san Négipt as coinne
do shúl.
35 Dháoibhsi do taisbeanadh é, chor
go mbia a fhios aguibh gur bé an
tighearna is Día ann, agus nach bhfuil
Día ann ach é.
36 As flaitheamhnus thug sé ort a
ghuth do chluinsin, chor go ttei-
geoscadh sé thú: agus ar an tta-
lumh do thaisbéin sé a theinidh
mhór dhuit, agus do chúalaidh
tú a bhriathra amach as lár na tei-
neadh.
37 Agus do bhrigh gur ghrádhuigh
sé haithre, uime sin do thogh sé a síol
na ndiaigh, agus thug se thusa amach a
lathair lé na chumhachduibh neartmhara
as an Négipt:
38 Do dhibirt cineadhach romhad
amach fá mó agus fá láidre ná
thú féin, dod thabhairtsi a steach
chum a bhfearannsan, dá thabhairt
dhuit mar oighreachd, mar atá sé
a niugh.
39 Biodh a fhios agad a niugh
ar a nadhbharsin, agus meas é ann
do chroidhe, gur bé an tighearna as
Día a bhflaitheamhnus shuas, agus
ar an ttalumh shíos: ní bhfuil éandía
oile ann.
40 Coimhéadsa tú ar a nadhbhar-
sin a statuide agus a aitheanta noch
aithnighimsi dhiot a niugh, chor
go rachaidh sé go maith dhuit a-
gus dod chloinn ad dhiáigh: agus go
bhfaduighe tú do laéthe ar an ttalamh
noch do bheir an tighearna do Dhía
dhuit go bráth.

41 Annsin do órduigh Maóise trí
caithreacha ar an dtaobhsi do Jordan
leath ré héirghe gréine:
42 Lé bhféadfadh an marbhthach
teitheamh ionta, noch do mhuirfeadh
a chomharsa gan fhios dó féin, agus
nach raibh fuath aige air annsa naimhsir
do chuaidh thort; agus ar tteith-
eamh go cathruigh dhíobh go bhféadadh
marthuinn.
43 Eadhon Béser annsa bhfásach
a ttír réigh na Reubeniteach; agus
Rámot an Gilead na Ngaditeach, a-
gus Golan an Basan na Mannasi-
teach.
44 Agus sé so an dligheadh do chuir
Maóise sios do chloinn Israel.
45 Siadso na fiadhnuiseadh, agus
na reachda, agus na breitheamhnuis
noch do labhair Maóise ré cloinn Israel
tar éis teachd amach as an Négipt;
46 Don táoibhsi do Jordan annsa
ghleann as coinne Bhet-Peor a ttír Shi-
hon Righ na Namoriteach, noch do
áitribh an Hesbon. noch do bhuail
Maóise agus clann Israel tar éis teachd
amach as an Négipt:
47 Agus do thealbhuigheadar a dhú-
thaigh, agus dúthaigh Og Rígh Basan,
dhá Rígh na Namoriteach, noch do
bhí ar an ttáoibhsi do Jordan leath re
héirghe na gréine;
48 O Aroer, noch atá láimh re
brúach na habhann Arnon, go nuige
sliabh Sion ré ráidhthear Hermon,
49 Agus an réiteach uile don tao-
ibhsi do Iordan, leath shoir, eadhon go
nuige an bhfairge, don réiteach faoi
thoibreachuibh Pisgah.

CAIB. V.

Ath-aithris agús miniugbadh na ndeich aitheanta. 25 Eagal an phobail fa ghuth an tighearna.

AGus do ghoir Maóise Israel uile
agus a dubhairt riú, Eist Israel ris
na statúide agus na breitheamhnuis,
noch labhruimsi ann bhur ccluasuibh
a niugh, go bhfoghlumtháoi agus go
ccoimhéadfaoi iad.
2 Do rinne an tighearna ar Ndía
cunnradh rinn an Horeb.
3 Ni dhearna an tighearna an cunn-
radhso ler naithribh amháin achd rinne,
eadhon rinne uile, noch atá beó annso
a niugh.
4 Do labhair an tighearna ribh aghuidh
ar aghuidh annsa tsliabh, amach as lár
na teineadh.
5 (Do sheas misi idir an tighearna
agus sibhsi an tansin, do thaisbéanadh
bhreithre an tighearna dhíbh: óir do bhí
eagla oruibh do bhrigh na teineadh, &
ní dheachabhair súas annsa tsliabh)
dhá rádh,

6 Is misi an tighearna do Dhia noch thug amach thu as crích na Hégipte, as tigh na dáoirsi.

7 Ni bhía Día ar bith oile agad am láthairsi.

8 Ni dhéana tú dhuit féin íomháigh ar bith ghrabhálta, nó cosamhlachd neithe ar bith dá bhfuil a bhflaitheamhnus shúas, nó dhá bhfuil san talumh shios, nó dhá bhfuil ansna huisgedhibh fáoi an talumh.

9 Ni chlíonsa tú thú féin síos dóibh ní dhéana tú serbhis dóibh: óir misi an tighearna do Dhía is Dìa éudmhar mé, agrus cionnta na naithreadh ar an gcloinn go nuige an treas, agus an ceathramhadh glún, don mheid fuathuighios mé.

10 Agus thaisbeanas trócaire do mhíltibh don luchd ghrádhuighios mé, agus choimhéadas maitheanta.

11 Ni thiubhra tú ainm an tighearna do Dhé go díomhaóin: óir ní mheassfuidh an tighearna neimhchiontach an té bheir a ainm go díomhaóin.

12 Coimhéid lá na Sáboide, dhá náomhadh, mar do aithin an tighearna do Dhía dhíot.

13 Sé lá oibreochus tú, agus dhéanas tú hobair uile;

14 Achd an seachdmhadh lá sé Sáboid an tighearna do Dhé é: ní dhéana tú obair ar bíth ann, thú féin nó do mhac, nó hinghean nó hóglach, nó do bhanóglach, do dhamh nó haffál, nó áon dod áirnéis, nó an coimhidheach atá taoibh a stigh dod dhoirsibh: go madh féidir léd óglach agus led bhanógláoich suaimhneas do ghlacadh mar thú féin.

15 Agus cuimhnigh go raibh tú féin ad sheirbhíseach a ccrích na *Hégipte*, agus go ttug an tighearna do Dhia amach as sin thú lé láimh láidir agus lé láimh shínte amach; uime sin do aithin an tighearna do Dhia dhíot an Tsáboid do choimhéud.

16 Tabhair onóir dod athair agus dod mhathair mar do aithin an tighearna do Dhía dhiot; chor go bhfaideochtháoi do laethe agus go rachadh go maith dhuit annsa dúthaigh noch do bheir an tighearna do Dhía dhuit.

17 Ní dhéana tú dúnmharbhadh.

18 Ni dhéana tú adhaltrannus.

19 Ni dhéana tú goid.

20 Ni dhéana tú fiadhnuise bhréige a naghaidh do chomharsann.

21 Ni shainteocha tú bean do chomharsann, ní mó shainteochus tú tigh do chomharsann, a fhéarann, nó a óglach, nó a bhanóglach, a dhamh nó a assal, nó éinni is lé do chomharsuinn.

22 Dolabhair an tighearna na bríathrasa re bhur ccoimhthiònól uile annsa tsliabh, amach as lár na teineadh, an néill, agus an dorchaduis thiugh, ré guth mór, agus níor chuir ní is mô leis; agus do scriobh íad an ndá chlár chloiche agus thug dhamsa íad.

23 Agus tarla a nuáir do chúalabhairsi an guth amach as lár an dorchaduis (óir do las an sliabh lé teinidh) go ttangábhair láimh riumsa, cinn bhur ttreabh agus bhur sinnsir.

24 Agus a dubhrabhair, féuch do thaisbéin an tighearna ar Ndia a ghloir dhúinn agus a mhórdhachd, agus do chúalamar a ghuth amach as lár na teineadh: do chonncamar a niugh go labhrann Día rè duine, agus go mairionn sé.

25 Annois ar a nadhbharsin cread fá bhfuighimisne bás? óir loiscfidh an teine mhórsa sinn; má chluinmid guth an tighearna ar Ndia, ni is mó, annsin do gheabham bás.

26 Oir cia atá ann, do nuile fheóil noch do chúaluidh guth Dé bhi, ag labhairt amach as lár na teineadh, mar do chualamairne, agus mhair?

27 Eirighsi a bhfogus, agus éist re gach ní dá naibeóra an tighearna ar Ndia, agus labhairsi rinne a nuile ní déaras an tighearna ar Ndía riot, agus éistfiumne, agus do dhéanum é.

28 Agus do chúaluidh an tighearna foghar bhur mbriathar a nuáir do labhrabhair riomsa, agus a dubhairt an tighearna riom; do chualaidh mé fuaim bhríathar na muinntiresi, noch do labhradar riotsa, is maith a dubhradar a nuile ní dár labhradar.

29 O, gan a leithéid sin do chroidhe ionnta, go mbía meaglasa orra, agus go gcoimhéadaidis maitheanta a ccomhnuidhe, chor go mbiaidh sé go maith aca, agus agá ccloinn go bráth.

30 Eirigh, abair riu, èirghidhe dá bhur lóistinibh a rís.

31 Achd ar do shonsa, seas am fhochairsi annso, agus laibheóra mé riot na haitheanta uile agus na statúide agus na breitheamhnuis, noch do theagóscus tú dhóibh, chor gó ndéanuid iad annsa dúthaigh do bhéara misi dhóibh re sealbhughadh.

32 Do bhéarthaoi dá bhur naire ar a nadhbharsin go ndearntáoi mar do aithin an tighearna bhur Ndia dhibh: ní chasfuidhe a leathtáoibh ar bhur láimh dheis nó chlé.

33 Siubhólfáoi annsna huile shlighthibh dar aithin an tighearna bhur Ndia dhíbh, chor go mairfidhe agus go mbeithear go maith aguibh, agus go bhfaideochtháoi bhur laethe annsa dúthaigh noch shealbhochtháoi.

CAIB. VI.

Trachdar fós ar míniughadh na ndeich naitheanta.

ANnois is íad so na haitheanta, na reachda, agus na bhreitheamhnuis

do aithin an tighearna bhur Ndia do
theagasg dhibh, chor go ndéantáoi iad
annsa bhfearann, a bhfuilti ag dul dá
shealbhughadh.
2 Ionnus go mbía eagla an tighearna
do Dhía ort, agus go ccoimheudfá a
reachda uile agus a aitheanta, noch shú-
agruimsi dhuit, thú féin agus do chlann,
agus clann do chloinne ar feadh do
shaoghuil; íonnus go bhfaideochthaoi do
laethe
3 Eist ar a nadhbharsin, a Israel,
agus tabhair haire sin do dhéanamh,
chor go mbeithear go maith agad, agus
go lionfa tú go hiomarcach, mar do
gheall an tighearna Día haithreadh
dhuit, annsa tír an a bhfuil tuile bhainne
agus mheala.
4 Eist, ó a Israel, an tighearna ar
Ndiane is eintighearna amháin é.
5 Agus grádhochuidh tú an tighear-
na do Dhía réd chroidhe uile, agus réd
anam uile, agus réd chumhachduibh uile.
6 Agus béid na briathrasó aithnigh-
imsi dhiot a niugh ann do chroidhe.
7 Agus múinfidh tú go dúthrachdach
dod chloinn iad, agus laibheóruidh tú
orra a nuáir shuidhfeas tú ann do thigh,
agus a nuáir shiubhólas tú an tslighe,
agus a nuáir luidhfheas tú síos, agus
a nuáir éireochus tú súas.
8 Agus ceangola tú iad mar chomh-
artha ar do láimh, agus béid amhuil
éadanána idir do shúilibh.
9 Agus scríobhtha tú iad ar phos-
tuighibh do thighe, agus ar do dho-
irsibh.
10 Agus is amhla bhías a nuáir
bhéarus an tighearna do Dhía thú don
dúthaigh noch do mhionnuigh dod
aithribh, do Abraham, do Isaac, agus
do Jácob go ttiubhradh dhuit caithrea-
cha móra maithe, nach tú féin do
chuir súas;
11 Agus tighthe lán do na huile
neithibh maithe, nach tú féin do lion,
agus toibreacha tochalta nach tú
féin do thochuilt, fíneamhna agus croinn
ola nach tú fein do phlannduigh, a
nuáir íosas tú biadh agus 'bhías tú
lán;
12 Annsin tabhair haire deagla go
ndearmadfá an tighearna, noch thug
ámach thú as crích na Hégipte ó thigh
na dáoirsi.
13 Biaidh eagla an tighearna do
Dhía ort, agus do dhéana tú ser-
bhís dó, agus mionnochaidh tú ann a
ainmsion.
14 Ni leanfa tú Dée ar bith oile do
Dhéeibh na ndáoine atá fá ccuáirt bhur
dtimchioll.
15 (Oir an tighearna do Dhía,
is Día éadmhar bhur measg é) dea-
gla go lasfadh fearg an tighearna
do Dhía ad aghuidh, agus go scriosfadh
thú ó dhruim na talmhan.
16 Ni chuirfe tú cathughadh ar an
ttighearna do Dhía, mar do chuir
air a Massah.
17 Coimhéad go dithchiollach a
theanta an tighearna do Dhia, agus
fhiaghnuisigh agus a reachda, noch a
aithin sé dhíot.
18 Agus do dhéana tú an ní is c
reach agus is maith a radharc an
ghearna, chor go mbeithear go m
agad, agus go bhféadfa tú dul
steach, agus an fearann maith do sh
bhughadh, noch do mhionnaidh an
ghearna dod aithribh.
19 Agus teilgfe sé amach do naim
de uile romhad, mar do labhair
tighearna.
20 Agus a nuáir fhíafrochus
mhac dhíot ansa naimsir atá
teachd, ghá rádh, Créd is céall
na fiadhnuisibh agus do na reach
tuibh agus do na breaitheamhnusaibh,
noch do aithin an tighearna ar Ndía
dhibh.
21 Ann sin déara tú re do mhac;
do bhámairne ar sclábhuighibh ag
Phárao san Négipt, agus thug an ti-
ghearna amach as an Négipt sinn le
láimh láidir.
22 Agus do thaisbéin an tighearna
comharthuidhe agus iongantasa móra
agus doilghe ar an Négipt, ar Phá-
rao agus ar mhuintir a thighe uile a
comhair ar súl.
23 Agus thug sé sinne amach a
sin, chor go ttiubhradh sé a steach
sinn, do thabhairt dhúinn na dúthaighe
do mhionnuigh sé dar naithribh.
24 Agus do aithin an tighearna
dhinn na reachtasó uile do chomhall,
agus eagla an tighearna do bheith oruinn
ar mhaith rinn féin a gcomhnuidhe,
chor go ccoimhéadfadh sé sinn beo
mar atá san ló a niugh.
25 Agus budh é ar bhfireúntachd,
má bheirmid aire na haitheantasó uile
dhéanamh, a bhfiaghnuisi an tighearna ar
Ndía, mar do aithin sé dhínn.

CAIB. VII.

*Gan cheangal do dheanamh ris na cineadh-
achaibh. 8 Do bhrígh gur fhuasgail Día
dhó féin Israel as an Egipt, & go ccoi-
mheada sé ó mhile olc iad.*

A Nuair do bhéura an tighearna do
Dhía thú don tír a bhfuil tú
ag dul dá fealbhughadh, agus ar tteil-
gean amach mhóráin cineadhach ro-
mhad, na Hititigh agus na Girgasitigh,
agus na Hamoritigh, agus na Canánitigh,
agus na Perisitigh, agus na Hibhitigh,
agus na Iebusitigh, seachd gcínea-
dhacha ba mó na sibhse, agus ba cu-
mhachduigh.
2 Agus a nuáir do bhéara an ti-
ghearna do Dhía dhuit iad, buáilfe tú
iad,

[illegible], agus scriosfuidh tú íad thríd a [illegible]; ní dhéana tú cunradh air bith [illegible], nó trócaire do thaisbeanadh [illegible].

3 Ní mó dhéanas tú pósadh ar bith [illegible], ní thiubhra tú hinghean dá mhac agus ní ghlacfa tú a inghion dod mhac.

4 Oír fillfid siad do mhac ó misi [illegible], chum serbhísi do dhéanamh do Dheéibh oile: mar sin bhías [illegible] an tighearna ar na lasadh ad [illegible], agus léirscriósfa sé thú go [illegible].

5 Ach marso do dhéantaoi riú, teilgfidhe seachad a naltóra, agus brisfidhe [illegible] a níomhháighe, agus gearrfuidhe [illegible] a garrain, agus loiscfidhe a níomhháighe grábhálta le teinidh.

6 Oír is pobal naomhtha don tighearna do Dhía thusa, do thogh an tighearna do Dhía thú chum bheith na phobal áirigh aige féin ós cionn gach uile phobail da bhfuil ar aghuidh na talmhan.

7 Ní thug Día a ghrádh dháoibh, agus níor thogh sibh, dó chionn gur mó a naibhir sibh ná pobal ar bith: óir ba sibh pobal ba lugha do nuile phobal.

8 Achd do chionn gur ghrádhuigh an tighearna sibh, agus do chionn go ccoimhallfadh na mionna thug sé dá bhur naithribh, thug an tighearna amach sibh lé láimh láidir, agus do fhúascuil sé amach as tigh na dáoirse sibh, as láimh Phárao Righ na Hégipte.

9 Bíodh a fhios agad ar a nadhbharsin gur bé an tighearna do Dhía is Día ann, Día firinneach noch choimhéadas a chunnradh agus a thrócaire don droing ghrádhuigheas é agus choimhlíonus a aitheanta, go míle geinealach;

10 Agus chúitighios ris a ndroing fhúathuigheas é as coinne a naighthe dá scrios: ní bhía sé mainneachdnach ris an té fhuáithigheas é, cúiteochuidh sé ris é as coinne a aighthe.

11 Coimhéadsa tusa ar a nadhbharsin na haitheanta agus na statúide, agus na breitheamhnuis noch mhúinimsi dháoibh a niugh do dhéanamh.

12 Uime sin tiucfa a ccrích, má éisdionn sibh leis na breitheamhnusuibh, agus a ccoimhéad, agus a ndéanamh: go gcoimhéadfuidh an tighearna do Dhía dhuitse an cunnradh agus an trócaire do mhionnuigh sé dod aithribh.

13 Agus grádhochuigh sé thú, agus beinneochuidh sé thú, agus méideochuidh sé thú agus beinneochuidh sé mar an gcéadna toradh do bhronn, agus toradh thfearuinn, harbhar, agus thfíon, agus hola, agus ionnláoghas do bhó, & tréada do chaorach, ann sa dúthaigh noch do mhionnuigh sé dod aithribh do thabhairt dhuitsi.

14 Biaidh tú beannuigh ós cionn gach uile phobal: ní bhiaidh firionnach ná bainionnach aimrid bhur measc, nó a measc bhur náiruéise.

15 Agus bhéaruidh an Tighearna gach uile easláinte uáibh, agus ní cuirfidh éainní do dhroichthinneasuibh na Hégipte oruibh, (noch as eól dibh) achd cuirfe sé íad ar a ndroing fhuaithighios tú.

16 Agus scriosfaidh tusa a nuile phobal thoirbheorus an tighearna do Dhía dhuit: ní bhía truaighe ag do shúil dóibh, ní mó dhéanas tú serbhìs da Ndéeibh, óir biaidh sin mar dhul ort féin.

17 Má deir tú an do chroidhe, is mó na fineadhachasa ná misi, cionnus chúirfios mé as a seilbh íad?

18 Ná bíodh eagla ort rompa, achd cúimhneocha tú go maith cread do rinne an Tighearna do Dhía ré Phárao, agus ris an Négipt uile.

19 Na cathuíghthe móra do chonnairc do shúile, agus na comharthuidh, agus na hiongantasa, agus an lámh chumhachdach, agus an rith sínte amach, lé ttug an Tighearna bhar Ndía amach thú: mar sin do dhéana an Tighearna do Dhía ris a nuile phobal ré a mbía eagla ort.

20 Os a chionn sin cuirfidh an Tighearna do Dhía an hornet eatorra no go mbáfuighthior an mhéid snúigfidhior agus fhoileochus íad féin ortsa.

21 Ní bhía úathbhás ort ar a sonsan, oír atá an Tighearna do Dhía eadruibh, Día cumhachdach, agus uathbhásach.

22 Agus cuirfidh an Tighearna do Dhía na fineadhachaso amach romhad, air bheagán agús air bheagán; ní scriosfa tú a néinfheachd íad, deagla go bhfásfadh beathuigh an mhachaire ort.

23 Achd do bhéara an Tighearna do Dhía dhuit iad, agus sgriosfuidh sé íad le díoghbhudh móir no go rabhuid millte.

24 Agus do bhéuruidh sé a Righthe ann do láimh, agus sgriosfa tú a nainm ó bheith faoi neamh: ní thiucfa do dhuine ar bhith seasamh romhad nó go sgriosfa tú íad.

25 Iómháighe grábhalta a Ndée loiscfidh tú lé tenidh; ní shainteochuidh tú an tairgiod ná an tór atá orra, agus ní ghlacfa tú chugad é, deagla go ngéabhthaoi a ngaiste leis thú, oír is adhfhúathmhaireachd don Tighearna do Dhía é.

26 Ní mó bhéuras tú adhfhuathmhaireachd chum do thighe, deagla go mbeitheá ad ní mhalluigh cosmhuil ris: ach fuathochaidh tú é thríd amach, agus biaidh gráin ort roimhe go hiomlan; oír is ní malluigh é.

CAIB. VIII.

Do fhurail se umhlachd tré mhéud thiodhlaicthe Dé dháibh sa nfhásach.

NA huile aitheanta aithnighimſi dhibh
a niugh coimhéadfuidhe a ndéa-
namh, chor go mbeithí béo, agus go
líonſuidhe, agus go reachdáoi a ſteach,
agus go ſealbhochthaoi an fearann noch
do mhionnuigh an tighearna do thabhairt
da bhur naithribh.
2 Agus cuimhneocha tú na ſlighthe
uile ionar thréoruigh an tighearna do
Dhía thú anois re dá fhichthid bhlíadhan
ſan bhfáſach, dot dhéanamh umhul, agus
dot dhearbhadh, dfagháil feaſa cread do
bhí ann do chroidhe, an gcoimhéoltá a
aitheanta, nó nach déantá.
3 Agus do umhluigh ſé thú, agus do
léig ocrus ort, agus do ſháſuigh ſé thú
lé Manna, noch nár bhfeas duitſe nó
dod aithribh, chor go ttiubhradh ort
a fhios do bheith agad nach lé harán
amháin bheathuighear an duine, ach lé
gach ní dá ttig as béul an tighearna,
bhíos an duine béo.
4 Níor chríon héadach iomat, ní
mó do at do chos an dá fhichiod
bhlíadhanſo.
5 Cuimhneacha tú mar an gcéadna
ann do chroidhe-amhuil ſmachduigheas
duine a mhac, gur mair ſin ſmachdui-
ghios an tighearna do Dhía thuſa.
6 Ar a nadhbhairſin coimhéadſa tú
aitheanta an Tighearna do Dhía do
ſhiubhal iona ſhlighthibh, agus a eagla
bheith ort.
7 Oír do bheir an Tighearna do Dhía
thuſa go tír mhaith, tír go naibhnibh
uiſge, go ttoibribh, agus go ndroi-
gheanuibh gheineas as áltuibh, agus as
cnocuibh,
8 Dúithche chruithneachda, agus eór-
na agus fhíneamhna, agus chrann fige
agus phomgranat, agus dúithche ola,
chrann oilibh, agus mheala.
9 Dúithche iona níoſa tú arán gan
ghainne, ni bhíaidh easbhuidh éinneithe
ort ann: dúithche gurob íarann a clo-
cha, agus go madh héidir leachd prás
do thochuilt as a cnocuibh.
10 A nuair íoſas tú biadh, agus bhías
tú lán; in ſin bheinnéochas tú an ti-
ghearna do Dhía ar ſon a nfearuinn
mhaith thug ſé dhuit.
11 Tabhair haire nach dearmadfá
an Tighearna do Dhía a neamhchoi-
mhéad a aithneadh, agus a bhreithea-
mhnuſadh, agus a reachda, noch aith-
nighimſi dhíot a niugh.
12 Ar eagla a nuáir íoſfas tú bíadh
agus bhías tú ſáthach, agus dhéanas tú
tighthe maithe, agus choimhneochus
tú ionnta;
13 Agus a nuair mhéidéochuid heal-
bhadha, agus do thréada, agus mhéi-
deochus do chuid óir agus airgid, agus
mhéideochus a nuile ní bhus leachd.
14 An ſin go néireochuidh do chroi-
dhe ſúas, agus go ndearmudfá an Ti-
ghearna do Dhía, (noch thug amach thú
as crích na Hégipte as tigh na daóirſe;
15 Noch do thréoruigh thú thríd an
bhfáſach mhór úathbháſach ſin mar a ra-
bhadar naithreacha tinntighe, agus Scor-
piona, agus tiormach, agus áit nach
raibh uiſge; noch thug uiſce chugad a-
mach as an ccarruig chruáidh.
16 Noch do bheathuigh thú ſan bhfá-
ſach lé Manna, nach ar bhfeas dot ai-
thribh, chor go nuimhleochadh ſé thú,
agus go ndearbhochadh ſé thú do dhéa-
namh maitheaſa dhuit annſa naimſir
dheighionuigh.)
17 Agus go naibeorthá ann do chro-
idhe, Mo chumhachda agus neart mo lá-
imhe ſéin fuair an ſaidhbhrios ſo dhamh.
18 Ach cuimhneochuidh tú an Tighear-
na do Dhía: oir iſé do bheir neart dhuit
dfagháil ſaidhbhris; go ndearna a chunn-
radh ſeaſmhach, noch do mhionnuigh ſé
da bhur naithribh, mar atá ſé a niugh.
19 Agus is amhluidh bhías, ma dhear-
madann tú ar éanchor an tighearna do
Dhía, agus go leanſa tú deé oile, agus
ſeirbhís do dhéanamh dhóibh, agus a
nadhradh: do nímſi fíadhnuiſi bhur
naghuidh aniugh, go reachthaoi ſeachad
go deimhin.
20 Amhail na ccineadhach do ſcrios
an tighearna as coinne bhur naighthe,
mar ſin do ſcriosfuighthear ſibhſi: do
bhrígh nar bhail libh bheith umhal do
ghuth an Tighearna bhur Ndía.

CAIB. IX.

Do choſcadh andóchus as an gníomh féin tre chuimhniughadh dhoibh a liá uáir chuadar a nccoinntine ré Dia.

EIſt ó a Iſrael, atá tú ag dul tar
Jordan ſan ló aniugh do ſhealbhu-
ghadh cineadhach is mó agus is láidre
ná thú féin, caithreacha móra agus
cumhdaighthe ſúas go neamh.
2 Daoine móra, agus árrachda,
clann na Nanacimeach, noch is aithne
dhuit, agus gha gcúala tú teachd thárſa,
Cía le na ttiucfadh Seaſamh a naghuidh
chloinne Anac!
3 Tuig ar a nadhbharſin a niugh
gur bé an Tighearna do Dhía théid ro-
mhad, mar theinidh loiſgnigh: claoidh-
fidh ſé íad, agus cuirfe ſé ſíos íad as
coinne haighthe: mar ſin dhibéoraidh
tú amach íad, agus ſcriosfas tú go
lúath íad, mar a dubhairt an Tighearna
riot.
4 Ná habairſi ann do chroidhe tar
eís an Tighearna do Dhía dá tteil-
gion amach romhad, ghá rádh, Ar
ſon mfíréantachda thug an Tighearna
a ſteach mé do ſhealbhughadh an nfea-
ruinnſi; achd ar ſon pheacuidh na gci-
neadhachſa chuirios an Tighearna a-
mach romhad íad.
5 Ní ar ſon thfíréantachda no dioghrais
do chroidhe théid tú do ſhealbhughadh

a bhfear-

a bhfearuinn: achd ar son chionta na
gcineadhachsa chuirios an Tighearna do
Dhia amach romhad íad, agus chor go
gcoimhlíonfadh an focal noch do mhi-
onnuigh an Tighearna dot aithribh
Abraham, Isaac, agus Jácob.
6 Tuig ar a nadhbharsin nach dta-
bhair an Tighearna do Dhia an fearann
maithsi dhuit dá shealbhughadh ar son
thfíréantachda féin: óir is pobal crúa-
dhmhuinéil thú.
7 Agus cuimhnigh, agus ná dearmuid
mar do bhrosduigh tú an Tighearna do
Dhia chum feirge san bhfásach, ón
lá fár fhág tú amach críoch na Hé-
gipte nó go ttáinic tú don náitsi,
do bhabhair cogthach a naghuidh an
Tighearna.
8 Mar an gcéadna an Horeb do
bhrosduigh tú an Tighearna chum feirge,
ionnus go raibh an Tighearna feargach
ribh chum bhur millte.
9 A nuáir do chúaidh misi súas
annsa tsliabh do ghlacadh na cclár
cloichthe, cláir an chunnartha noch
do rinne an tighearna ribhsi; annsin
do rinne me comhnuighe ann sa tsliabh
ceathrachad lá agus ceathrachad oidh-
che, níor ith mé arán, agus ní mó do
ibh mé uisge.
10 Agus do thug an Tighearna
dhá chlár chloiche dhamh scríobhtha
lé méur Dé, agus do bhí scríobhtha
orra sin do reír na nuile bhriathar do
labhair an Tighearna ribhsi annsa tsliabh
amach as lár na teineadh a ló an
chomhchruinnigh.
11 Agus tárla a ccionn cheathra-
chad lá agus cheathrachad oidhche, go
tug an Tighearna dhamh an dá chlár
chloiche, eadhon cláir an chunnartha.
12 Agus a dubhairt an Tighearna
riom, éirigh, imthigh sios go lúath
as so; óir do thruaill do phobal noch
thug tú amach as Négipt: do shilliodar
go hobann as an tslighe do aithin
misi dhíobh; do rinneadar íombáigh
leaghtha dhóibh féin.
13 Os a chionn sin, do labhair an
Tighearna riomsa, dha rádh, do chon-
nairc mé an pobal so, agus féuch is
daóine crúadhmhuinil íad.
14 Léig dhamh ionnus go scriosfa
mé iad, agus go mbaithidh mé amach
a nainm ó bheith faói neamh, agus do
dhéana mé dhíotsa cineadh is mó, agus
is cumhachdaigh ná iad.
15 Mar sin do shilleas, agus tá-
nag a nuas ón tsliabh, agus an sliabh
tré lasadh ó theinidh, agus do bhá-
dar dhá chlár an chunnartha ann mo
dhá láimh.
16 Agus damhairc mé, agus féuch
do pheacuigheabhairsi a naghuidh an
Tighearna bhur Ndia, agus do rinnea-
bhair dhaóibh féin láogh leaghtha, diom-
póigheabhair go lúath sibh féin ón tslighe
do aithin an Tighearna dhíbh.

17 Agus do ghlac misi an dá chlár,
agus do theilg mé as mo dhá láimh
íad, agus do bhris mé ós coinne bhur
súl íad.
18 Agus do thuit mé sios ós coinne
an Tighearna mar an gcéud úair, cea-
thrachad lá, agus ceathrachad oidh-
che; níor ith mé arán, agus ní mó
dibh mé uisge, ar son na nuile phea-
cadh do pheacuigheabhairsi ag déanamh
cionnta a radharc an Tighearna do
chur feirge air.
19 Oir do bhí eagla na feirge orum,
agus an míothaitnidh mhóir lé a raibh
an Tighearna feargach bhur naghuidhsi,
dá bhur milleadh; achd do éist an Ti-
ghearna riom a nuáirsin mar an gcéad-
na.
20 Agus do bhí an Tighearna ro
fheargach re Háaron chum a mhillte,
agus do ghuidh misi ar son Aáron fós
a núair chéadnasin.
21 Agus do ghlac mé bhur ccoir,
an láogh do rinneabhair, agus do
loisg mé lé teinidh é, agus do bhrúigh
mé é, agus do mheil mé go roimhín
é, eadhon go raibh coimbhín re lúái-
threadh, agus do chaith mé a lúái-
threadh ionsa nabhuinn thig a núas as
an tsliabh.
22 Agus do bhrosduigheabhair an
Tighearna chum feirge a Ttaberah
agus in Masa, agus in Cibrot-hatáa-
bhah.
23 Ar an modh gcéadna a núair do
chuir an Tighearna sibh as Cades
barnea, gha rádh, éirighe súas, agus
sealbhúighe an fearan thug misi dhíbh;
annsin do chathuigheabhair a naghaidh
aithne an Tighearna bhur Ndia, agus
níor chreideabhair é, agus níor éisteabhair
re na ghuth.
24 Do bhábhair ceannairceach a na-
ghuidh an Tighearna on ló fár aithnid
dhamsa sibh.
25 Marso do thuit mé sios a
bhfiadhnuisi an Tighearna ceathrachad
lá agus ceathrachad oidhche, mar do
thuit mé sios an chéad úair, do chionn
go ndubhairt an Tighearna go millseadh
sé sibh.
26 Do ghuidh misi ar a nadhbharsin
an Tighearna, agus a dubhairt mé; A
Thighearna a Dhé, ná mill do phobal
agus hoighreachd, noch do shúascuil tú
led mhórdhachd, noch thug tú amach
as a Négipt lé láimh láidir:
27 Cuimhnigh do sheirbhísigh Abra-
ham, Isaac, agus Jácob; ná féuch ar
easurramachd na ndaóinesi, nó ar a
nolc, nó ar a bpeacadh.
28 Ar eagla go naibéoradh an dúi-
thche as a ttug tú amach sinn; do
bhrígh nar fhéud an Tighearna a mbre-
ith don tir do gheall sé dhóibh, agus do
bhrígh gur fhuathuigh sé íad, thug sé
amach íad da marbhadh san bhfá-
sach.

29 Gidheadh siad do phobalsa iad, agus hoighreachd, noch thug tú amach led neart chumhachdach, agus led righ sinte amach.

CAIB. X.

Do athnuadhuigheadh an dá chlár. 12 Do shurailse umhlachd spioradalta do thabhairt dha aithintibh.

AN sa namsin a dubhairt an Tighearna riomsa, snoigh dhuit féin dhá chlár chloiche amhail na gcéad chlár, agus tarr súas chugamsa annsa tsliabh, agus déan Airc mhaide dhuit féin.

2 Agus scríobhtha misi ar na cláruibh na briathra do bhí ion sna céud chláruibh noch do bhris tú, agus cuirfe tú ían Náirc íad.

3 Agus do rinne misi Airc da chrann Sittim, agus do shnoigh mé dhá chlár chloiche cosmhuil ris na céad chláruibh, agus do chuáidh mé súas ionsa tsliabh, agus an dá chlár am láimh.

4 Agus do scríobh seision ar na cláruibh do reir an chéaidscribhinn, na deich naitheanta noch do labhair an tighearna ribhsi air a tsliabh amach as lár na teineadh a ló an chomhchruinnigh, agus thug an Tighearna dhamhsa íad.

5 Agus do fhill misi, agus tháinig mé a núas as a tsliabh, agus do chuir mé na cláir ann sa Náirc do rinne mé, agus atáid síad ann sin mar do aithin an Tighearna dhíom.

6 Agus do ghluáisiodar clann Israel ó Bheerot chloinne Iaacan go Mosera: annsin déug Aáron, agus ann sin do hadhlaiceadh é; agus do miniostráil Eleáfar a mhac an oifig an tsagairt iona áit.

7 Ann sin do ghluáisiodar go Gudgodah, agus ó Ghudgodah go Iotbat, dúithche aibhneadh uisge.

8 Ann sa namsin do dhealuigh an Tigheárna treabh Lébhi diomchar Airce chunnartha an Tighearna, do sheasamh as coinne an Tighearna do mhiniostralachd dó, agus do bheannughadh iona áinm gus an lá a niugh.

9 Is uime sin nach bhfuil roinn nó oighreachd a bhfochair a dhearbhráithreach ag Lébhi: sé an tighearna as oighreachd dó, do réir mar do gheall an Tighearna do Dhía dhó.

10 Agus do fhan misi annsa tsliabh do réir na céud úaire dhá fhichiod lá, agus dhá fhithchiod oidhche: agus do éist an Tighearna rium mar an gcéadna a nuairsin, agus níor bháill leis an TTighearna thusa do mhilleadh.

11 Agus a dubhairt an Tighearna riumsa, éirigh, gluáis ann do shlighe roimhe an bpobal, chor go rachuid a steach, agus go sealbhochuid an fearann do mhionnuigh mé dá naithribh do thabhairt doibh.

12 Agus a nois a Israel cread atá do Thighearna Día diarraidh ort, acht egala do Thighearna Día do bheith ort, siubhal iona shlighthibh uile, agus a ghrádhughadh, agus serbhis do dhéanamh dot Thighearna Día maille red uile chroidhe, agus led uile anum,

13 Aitheanta an Tighearna do choimhéad, agus na reachda noch aithnighimsi dhíot aniugh ar son do leasa.

14 Féuch an flaithemhnus, agus flaitheamhnus na bhflaitheamhnus, is leis an TTighearna do Dhía é, an talumh mar an gceadna gon a bhfuil ann.

15 Amháin do bhí dúil ag an TTighearna ion bhur naithribhsi dá ngrádhughadh, agus do thóg sé a sliochd na ndiaigh, eadhon sibhsi, os cionn gach uile phobail, fá mar atá a niugh.

16 Uime sin timchillghearruidh croicinn tosuigh bhur ccroidhe, agus ná bith ní bhus mó cruádhmhuineulach.

17 Oir an Tighearna bhur Ndía sé Día na ndée é, agus Tighearna na TTighearnadh, Día mór cumhachdach, agus úathbhásach, nach bionn meas aige ar phearsannuibh, agus nach gabhann comhaidh.

18 Críochnuighidh sé breitheamhnus na ndílleachd, agus na mbaintreabhach, agus grádhuigh an coigcrioch, ag tabhairt bídh agus éuduigh dhó.

19 Grádhuighsi ar a nadhbharsin an coimhightheach, óir do bhádhbhair féin bhair geoimhidhtheachuibh a gcrich na Hégipte.

20 Bíodh eagla an Tighearna do Dhía ort; is dó dhéanas tú seirbhis, agus is dó adharfus tú, agus isé a ainm mhionnochus tú.

21 Is é do mholadh é, agus sé do Dhía é, nóch do rinne na neithe móra uathbhásacha do chonncadar do shúile.

22 Do chuadar haithre síos don Négipt maille re deich, agus trí fichid pearsa, agus annois do rinne an Tighearna do Dhía dhíot mar réulta nimhe ar iomadamhlachd.

CAIB. XI.

Trachdar ar ciall na céd aithne. 26 Beannughadh agus mallughadh ar na ccur rompa.

AR a nadhbharsin gráidheocha tú an Tighearna do Dhía, agus coimhéadsa tú a chúram, agus a reachda, agus a bhreaitheamhnuis, agus a aitheanta a gcomhnuidhe.

2 Agus bíodh a fhios agad aniugh oír ní [labhraim] re bhur cclainn ag nach raibh a fhios, agus nach bhfacuidh

snachd

ſmachd an Tigheirna bhur Ndía, a
mhórdachd, agus a lámh láidir, agus a
righ ſinte amach.
3 Agus a ionganta, agus a ghní-
omhradh noch do rinne ſé a méadhón na
Hégipte ré Pháraoh Rígh na Hégipte,agus
re na dhúithche uile ;
4 Agus mar do rinne ſé ar ſhlúagh
na Hégipte, re na neachuibh, agus re
na gcarbaduibh, mar do chur ſé dfía-
chuibh ar uiſge na mara ruáidhe éirghe
ós a ccionn, a nuair do leanadar ſibhſi,
agus mar do mhill an Tighearna íad gus
an ló a niugh ;
5 Agus cread do rinne ſé dhibhſe
ſan bhfáſach nó go ttangabhair don
náitſi ;
6 Agus cread do rinne ſé re Datan,
agus re Abiram mic Eliab mhic Reuben,
cionnus do oſcuil an talumh a bhéul,
agus do ſhluig ſíos íad, agus a muintír,
agus a lóiſtine, agus a nuile ſhub-
ſtaint do bhí iona ſeilbh a meaſc Iſ-
rael uile.
7 Ach do chonncadar bhur ſúileſi uile
ghníomhradh móra an Tighearna noch
do rinne ſé.
8 Uime ſin coimhéadſuidhe na huile
aitheanta noch aithnighimſi dhíbh a
niugh, chor go mbeithí láidir, agus go
reachúaói a ſteach, agus go ſealbhó-
chuidhe an fearann a bhfuilti ag dul dá
ſhealbhughadh.
9 Agus go madh heídir libh bhur
laéthe dfadúghadh ann ſa tír do mhion-
nuigh an Tighearna da bhur naithribh
do thabhairt dóibh, & dá ſíol, dúithche
noch thúiltighios lé bainne, & le mil.
10 Oir an fearann a bhfuil tú ag
dul dá ſhealbhughadh, ní mar chrích
na Hégipte atá ſé, ó ttangabhairſi
amach, mar ar chuir tú do ſhíol, agus
ar ſhliuch tú é léud chois mar gháirdín
Luibhionn.
11 Acht an fearann a bhfuiltighe ag
dul dá ſhealbhughadh, is fearann cnoc
agus gleann é, agus ibhéas uiſge dfear-
thuinn nimhe.
12 Dúithche agá bhfuil ſuim ag
an Ttighearna do Dhía innte, óír
atáid ſúile do Thighearna Día uirre a
gcomhnuighe, ó thoſach fós go deireadh
na blíadhna.
13 Agus tiucfa a gcrích ma éiſtionn
ſibh go dúthrachdach rém aitheantuibhſi,
noch aithnighim dhaóibh a niugh, an
Tighearna bhur Ndía do ghrádhughadh,
agus ſeirbhis do dhéanamh dhó lé bhur
nuile chroidhe, & le bhur nuile anum.
14 Go ttiubhra miſi dháoibh fearthuínn
bhur ttalmhan na ham féin, an chéud
fearthuinn, agus an fhearthuinn dheigh-
ionach, chor go ccruinneochá tú a ſteach
harbhar, agus thfíon agus hola.
15 Agus cuirfe mé féur ád mhachairibh
dot áirnéis, chor go madh heidir leachd
ní dithe agus bheith ſáitheach.
16 Tugaidh bhur naire dháoibh féin
nach biáidh bhur gcroidhe meallta agus
go bhfillfeadh ſibh a leathtáobh, agus
ſerbhís do dheanamh do dhéeibh oile
agus adhradh dhòibh :
17 Agus ann ſin go lasfadh fearg
bhar Ttighearna Día bhur naghuidh,
agus go ndúinfeadh ſúas neamh, ionnus
nach bíadh fearthuin ar bith ann, agus
nach ttiubhradh an talumh a thoradh,
agus deagla go nimeochadh ſibh ſeachad
go hobann ón ttalumh mhaith, noch do
bheir an Tighearna dháoibh.
18 Ar a nádhbharſin cuirfidhe iad
ſo mo bhriathraſa, a ttaiſge ion bhur
ccroidhthibh, agus ion bhur nanum, agus
ceaingéoltáoi íad mar chomhartha ar
bhur láimh, chor go mbeithdís mar
éadanán eidir bhur ſúilibh.
19 Agus múinfidhe íad dá bhur
gcloinn, ag labhairt orra a nuair
ſhuidhfios tú ion do thigh, agus a nuair
ſhiubholus tú annſa tſlighe, a nuair luidh-
fios tú ſíos, agus a nuair éireochus tú
ſúas.
20 Agus ſcríobhtha tú íad ar phoſtui-
ghibh dhoruis do thighe, agus ar do
gheatuighibh.
21 Chor go bhfaduighthe bhur láethe,
agus láethe bhur ccloinne ann ſa dúithche
noch do mhionnuigh an Tighearna dá
bhur naithribh do thabhairt dóibh, mar
laéthe nimhe ar an ttalumh.
22 Oir má choimhéudtháoiſi go dú-
thrachdach na huile aitheantaſa noch
aithnighimſi dháoibh do dhéanamh, an
Tighearna bhur Ndía do ghrádhughadh,
ſiubhal iona ſhlighthibh uile, agus
ceangal leis ;
23 Annſin cuirfidh an Tighearna amach
na fineadhachaſa uile romhad, agus
ſealbhóchtháoiſi cineadh is mó, agus is
cumhachduigh ná ſibh féin.
24 Gach uile bhall a ſailteorúidh
boinn bhur ccos, budh libh féin é: ón
fháſach & ó Lebanon, ó nabhuin, abhann
Euphrátes go nuige an bhfairge is faide
amach, is eadh bhias bhur tteora.
25 Ní feadfaidh duine ar bith ſeaſamh
ribh : óir cúirfe an Tighearna bhur
Ndia, bhur neagla agus bhur gcriothnu-
ghadh ar a naile fhearan ar a ſailteor-
tháoi, fá mar a dubhairt ſé ribh.
26 Feuchuidh do chuir mé romháibh
a niugh beannughadh agus mallughadh :
27 Beannughadh, mà umhluighionn ſibh
daitheantaibh an Tighearna bhur Ndía,
noch aithnighimſi dháoibh a niugh.
28 Agus mallughadh muna numhlu-
ighthí daitheantuibh an Tighearna bhur
Ndia, achd iómpodh a leathtáoibh as
an tſlighe noch aithnighimſi dháoibh a
niugh do dhul do leanmhuin Deé oile
nar bhaithnidh dáoibh.
29 Agus tiucfa a ccrích a nuair bhéu-
ras an Tighearna do Dhía thú a ſteach
ionſa bhfearann chum a ttéid tú dhá
ſhealbhughadh, go ccuirfe tú an bean-
nughadh ar ſhlíabh Gerifim agus an
mallughadh ar ſhlíabh Ebal.

30 Nach

30 Nach bhfuilid ſíad ar an ttaoibh oile do Jordan ar a tſlighe mar a ttéid an ghrían faói, a ttír na Gcanaanſteach, noch áitreabhus air a réiteach thall as coinne Gilgal láimh ré machairighibh Móreh.

31 Oir reachthaoi tar Jordan do dhul a ſteach do ſhealbhughadh a nfearuinn do bheir an tighearna bhur Ndia dhaoibh, agus ſealbhochthaói é, agus áiteochthaói ann.

32 Agus do bhéarthaoi aire do choimhlionadh na huile reachda, agus bhreitheamhnuis chuirimſi ſíos daoibh a niugh.

CAIB. XII.

Trachdar ar chiall na dara haithne 13. na neithe naomhtha ithche ſna háitibh naomhtha. 19 gan an Lebhiteach do thréigean.

SIadſo na ſtatúide, agus na breitheamhnuis choimheadſúidhe ré a ndéanamh annſa tír do bheir an Tighearna Día haithreadh dhuit dá ſealbhughadh, ar feadh na láetheadh mhairſidhe ar talumh.

2 Léirſcriosfuidh ſibh a nuile áit a ndearnadar na cineadhacha, noch ſhealbhochthaoi, ſerbhís da Ndéeibh ar na ſléibhtibh árda, agus ar na cnocuibh, agus faói gach éanchrann ghlas.

3 Agus ſcriosfuidhe ſíos a naltora, agus briſfidhe a bpileiri, agus loiſcfidhe a ngarráin lé teinidh, agus ſnoidhfidhe ſíos íomháighe grábhalta a Ndée, agus ſcriosfuidhe a nanmanna amach as a náit ſin.

4 Ní dhéantáoi mar ſin ris an TTighearna bhur Ndía.

5 Ach chum na háite thoighfeas an Tighearna bhur Ndía amach as bhur ttreabhuibh uile do chur a anma ann, eadhon dá ionad chomhnuighe iarrfuidheſi dul, agus is ann thiocſuidhe.

6 Agus is ann ſin do bhéurthaói bhur nofrála loiſcthe, agus bhur niódhbairt, agus bhur ndeachmhadh, agus ofráil thógtha bhur lámh, agus bhur móide, agus bhur nofrála toileamhla, agus primidil bhur nealbhann, agus bhur ttréud.

7 Agus is annſin ioſtaói a bhfiadhnuiſi an Tighearna bhur Ndía, agus do dheantaoi gáirdeachus ion gach uile ní dá ccuirfighe bhur lámh ann, ſibh féin, agus bhur muinntir, mar ar bheannuigh an Tighearna bhur Ndía ſibh.

8 Ní dhéantaói do réir gach éainneithe dá ndéanmaoidne ionſo a niugh, gach duine do réir a thola féin.

9 Oir ní thangabhairſe fós chum an tſuáimhnis, agus chum na hoighreachda do bheir an Tighearna bhur Ndía dháoibh.

10 Achd a núair reachdaói a nonn tar Jordan, agus áitreochthaoí annſa bhfearann do bheir an Tighearna bhur Ndía dhaoibh mar oighreachd, agus a núair do bhéara ſuaimhneas daóibh ó bhur naimhdibh uile ar gach ean taobh fá gcúairt, chor go náitreochthaói go ſuaimhneach.

11 Ann ſin biáidh ionad noch thoighfeas an tighearna bhur Ndia do thabhairt fa deara a ainm do aitreabh ann; chum a nionaid ſin do bheurthaoi gach uile ní dá naithnighimſi dháoibh, bhur nófrala loiſcthe, agus bhur niodhbartha, agus bhur ndeachmhadha, agus ofráil togtha bhur lámh, agus bhur móide uile noch do mhóideabhair don tighearna.

12 Agus biáidh gáirdeachus oruibh a láthair an Tighearna bhur Ndía, ſibh féin agus bhur mic, agus bhur ningheana, agus bhur nóglaoich, agus bhur mbanóglaoich, agus an Lebhíteach bhías taobh a ſtigh da bhur ndoirſibh, do bhrígh nach bhfuil roinn nó oighreachd aige maille ribh.

13 Tabhair haire dhuit féin nach nofrála tú hofráil loiſge ann gach áit dá bhfaiceann tú.

14 Achd annſa náit thoighfeas an Tighearna a ttreibh dá bhur ttreabhuibh, ann ſin ofrailfios tú hofráil loiſge, agus ann ſin do dhéana tú gach a naithnighimſi dhíot.

15 Gidheadh is éidir leachd féoil do mharbhadh, agus dithe an do uile gheatadhuibh, gidh bé ar a mbía dúil ag hinntinn ann, do réir bheannuigh an Tighearna do Dhía noch thug ſé duit; féaduigh an glan, agus an neamhghlan ſin dithe, eadhon mar don nfiadh fhionn, agus don chairrfhiadh.

16 Amháin ní ioſtaói a nfuil, dóirtfidhe ar an ttalumh í amhuil uiſge.

17 Ní héidir leachd deachmhadh harbhair dithche táobh a ſtigh dot dhoirſibh, nó thfíona, nó hola, nó primidil healbhann, nó do thréud, nó éanmhóid dá ttug tú, no hofráil thoileamhuil, nó ofráil thógtha do láimhe.

18 Achd íoſa tú íad a bhfiadhnuiſi an Tighearna do Dhía ann ſa náit thoighfeas an Tighearna do Dhía, thú féin, agus do mhac, agus hinghion, hóglach, agus do bhanóglach, & an Lebhíteach bhías táobh a ſtigh dot dhoirſibh, agus biáidh lúthgháir ort a bhfiadhnuiſi an Tighearna do Dhía an gach uile ní a ccuirſe tú do lámha.

19 Tabhair haire dhuit féin, nach ttréigſe tú an Lebhíteach an feadh mhairfeas tú ar an ttalamh.

20 A nuair fhairſeongas an tighearna do Dhía do théora, mar do gheall ſé dhuit, agus déara tuſa, íoſa mé féoil, (do chionn go bhfuil fonn féola ar hanum) is féidir leachd féoil dithe, gidh bé ar bith a mbiáidh dúil ag hanam ann.

21 Má

21 Má bhionn a náit do thogh an Ti-
ghearna do chur a anma féin ann, a bhfad
uait, annsin muirfidh tú dot ealbha, agus
dot thréud noch thug an Tighearna
dhuit mar do aithin misi dhíot, agus
iosa tú ann do dhoirsibh féin, gidh bé ní
iona mbia dúil ag hanum.
22 Amhuil ithtear an fiadh fionn, a-
gus an fiadh rúadh, mar sin íosas tusa
iad; ionnan íosas an neamhghlan, agus
an glan díobh.
23 Achd amháin bí deimhin nach íosa
tú a nfuil: óir isi a nfuil an tanum,
agus ní cóir dhuitsi an tanum dithe
maille ris an bhfeóil.
24 Ní íosa tú í, dóirtfidh tú í ar an
ttalamh amhuil uisge.
25 Ní iosa tú í, chor go rachuidh
go maith dhuit, agus dot chloinn ad
dhiáigh, a nuair do dhéana tú an ní is
cóir a radharc an Tighearna.
26 Amháin na neithe naomhtha bhías
agad, agus do mhóide, do bhéura tú
leachd iad, agus racha tú san náit tho-
ighfeas an Tighearna.
27 Agus íodhboruidh tú hofráil loisge,
an nfeóil, agus an nfuil, ar altóir an
Tighearna do Dhía, agus dóirtfighear
fuil hiodhbhartha amach ar altoir an
Tighearna do Dhía, agus iosa tú an
nfeóil.
28 Coimhéud, agus cluinn na bria-
thraso uile, noch aithnighimsi dhíot,
chor go rachuidh go maith dhuit,
agus dot chloinn ad dhiáigh go bráth a
nuair dhéanas tú an ní is maith, agus
is ceart a radharc an Tighearna do
Dhía.
29 A nuair ghearrfas an tighearna do
Dhía na cineadhacha sin amach romhad
mar a racha tú dá sealbhughadh, agus go
ngabha tusa a náit, agus go náitreabhaigh
tú iona nduithche.
30 Tabhair haire dhuit féin nach gabh-
thar a ndul thú ó na leanmhuin, tar éis a
scriosta romhad, agus nach déana tú
lairgaireachd air a ndeeibh, gha rádh,
cionnus do rinneadar na fineadhachasa
serbhís dá ndeeibh? is mar sin do dhéana
misi mar an gcéadna.
31 Ní dhéana tusa sin red Thighear-
na do Dhía, óir gach éainní is athfhúa-
mhar lé Día lé do nidis sin re na
ndeeibh féin; eadhon a mic, agus a nin-
ghiona do loisgedis ansa teinidh dá
ndeeibh.
32 Gidh bé ar bith ní aithéonus misi
dhaoibh, coimhéaduigh a dhéanamh, ní
chuirfe tú éinní na chionn, agus ní mó
bheanfas tú dhe.

CAIB. XIII.

Clochfuighthear an impidheach ar claonadh on cheart-chrábhaidh. 12. *Scriosfar caith-reacha na niodhbal.*

1 MA éirghionn bhar measc fáidh, no
fear aislingeadh dfuicsin, agus
go ttiubhra sé dhuit comhartha nó
iongnadh:
2 Agus go ttiocfa an comhartha nó
an tiongnadh a gcrích dár labhair sé
riot, ag rádh, Déanum do leanmhuin dée
oile (nach ar bhfeas duit,) agus déanum
serbhis dóibh.
3 Ní éistfe tú ré bríathruibh an
nfáigh sin, nó fhir fhaicsiona na nais-
lingeadh: Oír dearbhuidh an Tigh-
earna bhur Ndia sibh, dá fhéachain an
ngrádhuigheann sibh bhur TThighearna
Día ré bhur nuile chroidhe, agus lé bhur
nuile anum.
4 Siubholtaoi a ndiáigh an Tighearna
bhur Ndía, agus biáidh a eagla oruibh,
coimhéadfuidhe a aitheanta, & uimhleoch-
taói dá ghuth, agus do dhéantaói serbhís
dó, agus greamochuighe dhe.
5 Agus cuirfighear an fáidh sin
nó an brionglóideach na naislingeadh
chum báis, (do chionn gur labhair sé
dá bhur niompógh ón TTighearna bhur
Ndía, noch thug amach sibh as crích
na Hégipte, agus dfúascuil sibh amach
as tigh na daoirsi, dot thiomáin amach
as a tslighe do aithin an Tighearna
do Dhía dhíot do siubhal) mar sin
chuirfe tú an tolc ar siubhal as do lár
féin.
6 Má bhrostuighionn do dhearbhra-
thair thú, mac do mhathar, nó do mhac
féin, nó hinghion, nó bean hochda, nó do
charuid bhias dhuit mar hanum féin, go
secréideach, dhá rádh, Gluaisiom, & déa-
num seirbhís do Dhéeibh oile nach ar
bhfeas duit féin nó dot aithribh;
7 Do na deeibh, bhías ag na daóinibh
gacha taoibh dhíot a bhfogus duit, nó a
bhfad uáit, eadhon ó cheann go cheile
don domhan.
8 Ní aóinteochtha tú dhó, agus ní
éistfe tú ris; ní mó bhías truáighe ag
do shúil dó, nó choigeolus tú é, no
cheilfios tú é.
9 Ach go deimhin muirfe tú é, fí do
lámh féin bheanfus ris ar tús dá chur
chum báis, agus na dhiáigh sin lámh an
phobuil uile,
10 Agus clochfa tú lé clochuibh é,
ionnus go néugfa sé: do chionn gur
thairg sé do thiomáin ón Ttighearna do
Dhia, noch thug amach thú as crích na
Hegipte, as tigh na daoirsi.
11 Agus cluinfid Israel uile sin, agus
biáidh eagla orrá, agus ní déanuid ní
bhus mó éanchoir mar a nolcsa, bhur
measc.
12 Má chluin tú a ccathruigh dá
bhur gcaithreachuibh noch thug an Ti-
ghearna do Dhía dhuit dáitreabh innte,
ghá radh.
13 Do chuadar daóine áirigh clann
bhélial amach as bhur measg, agus do
thairngeadar léo luchd áitribh a ccaith-
reach, ghá rádh, Gluaisiom, agus déa-
num seirbhís do dheeibh eile nach ar
bhaithnid daóibh,

14 Ann ſin loirgſe tú, agus ſpionſa
tú, agus fiafróchá tú go friochna-
mhach : agus féuch más fírinne é,
agus go bhfuil an ní dearbhtha go
ndearnadh a leithéid ſin dadhfhuath-
mhaireachd bhur meaſc.
15 Buáilſe tú go deimhin muintir na
caithreach ſin lé faobhar an chloidhimh
léirſcrios í & gach a mbía innte, agus a
háirnéis le faobhair an chloidhimh.
16 Agus cruinneocha tú a héadáil uile
go lár a ſráide, agus loiſcſe tú le teinidh
an chathair, agus a héadail uile ó bheag
go mór, ar ſon an Tighearna do Dhía,
agus biáidh na carn go bráth, ní cuir-
fighear ſúas choidhche í.
17 Agus ní bheanſa éainní don ní
mhalluigh, dot láimh, chor go bhfillidh
an Tighearna óna dháſachd feirge,
agus go ttaisbeanuidh gráſa dhuitſi, agus
go raibh truáighe aige dhuit, agus go
méideochuidh ſé thú mar do mhionnuigh
ſé dot aithribh:
18 A nuair bhéuras tú aire ré guth an
Tighearna do Dhía, do choimhéud a
aithneadh uile, noch aithnighimſi dhíot
a niugh, do dhéanamh an neithe is ceart
a radharc an Tighearna do Dhía.

CAIB. XIV.

Ordughadh ar cleachdadh na neineadhach uma nmharbh, do ſheachna. 4 ainmhintigh glan & neamhghlan. 22 gnáth dir foghna na deachmhadh.

IS ſibh clann an Tighearna bur Ndía:
ní ghearrfuidhe ſibh féin, agus ní
dhéantaoi lomadh ar bith eidir bhur
ſúilibh ar ſon an mhairbh.
2 Oír is pobal náomhtha thú don Ti-
ghearna do Dhía, agus do thogh an
Tighearna thú chum bheith ad phobul
áirigh aige féin, tar gach uile chineadh
dá bhfuil ar an ttalumh.
3 Ní íoſa tú éinní adhúathmhar.
4 Is iad ſo na hainmhintigh íoſtaói,
eadhon, an damh, an cháora, agus an
gabhar.
5 An cáirrfhíadh, agus an poc-
rúadh, agus an fiadh fionn, agus an
gabhar fiadháin, agus an pigarg, a-
gus an damh alluigh, agus an cha-
mhois:
6 Agus gach uile bheathach noch
roinneas an nionga, agus ſcoiltios an
ſcoilteadh a ndá ladhuir, agus chognas
an chír meaſg na nainmhinteadh, íoſtaói
iadſin.
7 Gidheadh, ní íoſtaói iadſo don
mhéid chognas a ccír, nó roinneas a nion-
ga ſcoilte, mar atá an camhall, an
geirrfhíadh, agus an coinín; oír cognaid
an chír achd ní roinnid an nionga, uime
ſin atáid neamhghlan dhíbhſi.
8 Agus na muca, do chionn go
roinnid an nionga agus nach ccognuid
an chír, atáid neamhghlan daóibh,
ioſtaoi dá bhfeóil, ní mó bhainfuidhe
na gconablach marbh.
9 Is iad ſo ioſtaói do nuile iaſc dá
bhfuil ionnſa huiſgedhibh, a nuile iaſc ara
mbía eiteach, agus bláoſca ioſtaói
iad:
10 Agus gidh bith air nach bhfuil
eiteach nó bláoſca, ní íoſtaói iad,
atáid neamhghlan daóibh.
11 Do nuile éun ghlan íoſtaói.
12 Acht is iad ſo dá nach ioſtaoi: an
tiolar, an téan fionn, agus an tiaſcaire
cáirneach.
13 Agus an préachán gearr, agus an
préachán ceirteach, agus an préachán
ingneach do réir a chiníl.
14 Agus gach uile fhíach dubh do
réir a chiníl.
15 Agus an tulchabhcan, a náinleóg,
agus an chúach, agus an ſeabhac do réir
a chiníl.
16 An tulcabhchan beag, agus an
túlcabhchan mór, agus a neala.
17 Agus an peliocan, agus an
tiolar timchiollach, agus an fiach
fairge.
18 Agus an chorr ghlas, agus
an chorr ghrían do réir a chiníl, a-
gus an filbín, agus a níaltóg le-
thair.
19 Agus gach uile ní ſnáigheach eiti-
lios, atá neamhghlan duitſi, ni híoſtar
iad.
20 Ach féadthaói gach uile éan glan
dithe.
21 Ni íoſtaói éinní reachus déag uadh
féin: do bhéura tú é don choimhidheach
bhías ann do dhoirſibh go nithe ſé é,
nó féadſa tú a dhíol ris an ndeóraidh:
óir is pobal náomhtha thuſa don Ti-
ghearna do Dhía. Ní bhruithſe tú
meannán a mbainne a mhathar.
22 Do bhéura tú uait go ceart an
deachmhadh dot uile ſhíol noch do
bheir an talumh uadh gach a bhliadhain.
23 Agus íoſa tú a bhfiadhnuiſi do
Thighearna Dé ſan náit noch thoigh-
feas ſé a ainm do ſhuídhiughadh ann,
deachmhadh harbha, thfíona, agus hola,
agus primidil healbhann, agus do thréud,
chor go bhfoghlamaidh tú eagla do Ti-
ghearna Dé do bheith ort a gcomh-
nuidhe.
24 Agus má bhíon an tſlighe ro fhada
agad, as nach bhféudann tú a iomchur,
nó má bhíonn a náit rofhada uait, noch
thoighfeas do Thighearna Día do chur
a anma ann, a nuáir bheinneochus do
Thighearna Día thú.
25 Ann ſin do dhéana tú airgiod de,
agus ceaingeola tú an tairgiod ſúas ann
do láimh, agns rachaidh tú don náit
noch thoighfeas do Thighearna Día.
26 Agus do bhéura tú an tairgiod
ſin ar gidh bé ní a mbía dúil ag
hinntin ann, ar dhamhuibh, nó ar chaor-
chuibh, nó ar fhion, nó ar dhigh láidir,

gidh bé ní bhus toil led inntinn, agus
iosa tú annsin a bhfiadhnuisi do Thigh-
earna Dé, agus do dhéana tú gáirdea-
chus, thú fein, agus do mhuintir.
27 Agus an Lebhiteach bhías tá-
obh a fligh dot dhoirsibh ni thréigfe tú
é, óir ni bhfuil róinn ná oighreachd aige
maille riot.
28 A ndeireadh thrí mbliadhan do
bhéura tú amach deachmhuidh do bhi-
figh uile an bhliadhuin sin féin, agus
cuirfe tú a ttaisge i taobh a fligh dot
dhoirsibh.
29 Agus tiucfaidh an Lebhíteach do
bhrigh nach bhfuil roinn nó oighreachd
aige maille leachdsa, agus an coimhigh-
theach, agus an dilleachda & an
bhaintreabhlach atá taobh a fligh dot
dhoirsibh, iosuid agus béid saitheach,
chor go mbeinneochuidh do Thigh-
earna Dia thú an gach uile obair do
láimhe noch do ní tú.

CAIB. XV.

*Fuascalta na mboichd san seachdmhadh blia-
dhan. 15 Reacht a ttimchill luchd muinntir.*

A Cciónn gach seachdmhadh bliadhan
do dhéana tú fúasgladh.
2 Agus sé so modh an fhúascuilte,
gach duine bhéaras éinní ar áirleagadh
dá chomharsuinn, saorfa sé é, ní dhéana
sé éigion ar a chomharsuinn, nó ar a
dhearbhrathair, do chionn gur bé
fúasgladh an Tighearna ghoirthear
dhe.
3 O achdrannach iarrfa tú é a ris,
achd an ní dot chuid atá ag do dhear-
bhrathair fuaisgeoluidh do lámh é.
4 Achd amháin a núair nach béid
boichd bhur measc: óir beannochuidh
an Tighearna go mór thú ann sa dúith-
che thug do Tighearna Dia dhuit dá
sealbughadh mar oighreachd.
5 Acht amhain má éisdir go dúth-
rachdach re guth do Thighearna Dé,
do thabhairt aire go gcoimheoltá na hai-
theantasa uile noch aithnighimsi dhiot
a niugh.
6 Oir do bheannuigh do Thighearna
Dia thú mar do gheall sé dhuit, a-
gus do bheara tú áirleagadh do mhórán
cineadhach, achd ní iarrfa tú áirleagadh;
agus riaghlocha tú ós cionn mhóráin
cineadhach, achd ní riaghlochaidsion ós
do chionnsa.
7 Má bhionn láimh riot duine bochd,
aon dot dhearbhráithribh táobh a fligh
dáon dot dhoirsibh ann do dhúithche,
noch do bheir do Thighearna Dia dhuit,
ní chrúaidheocha tú do chroidhe, agus ní
dhruidfe tú do lámh ód dhearbhrathair
bochd:
8 Achd oisceola tú do lámh go fáir-
fing dhó, agus do bhéara tú dhó ar
áirleagadh go deimhin go lòr chum a
riachdanuis ansa ní is easbhuidh air.
9 Tabhair haire nach biadh smuain-
tiughadh ad dhrochchroidhe, gha rádh,
atá an seachdmhadh bliadhan, bliadhan
an mhaithmheachuis, ag druidion rinn:
agus nach biáidh do shúil go holc a na-
ghuidh do dhearbhrathar bhoicht, agus
nach ttiubhra tú éinní dhó, & go neigh-
fidh sé ar an TTighearna a taghaidh,
agus go mbia na pheacadh ort.
10 Do bhéura tú ní dhó go deimhin,
agus ní bhiáidh doirbheas ar do chroidhe
an tráth bhéuras tú dhó é: do bhrigh
go mbeinneochuidh do Thighearna Dia
thú air son an neithesi ad uile oibrighibh,
agus an gach uile ní iona gcuirfe tú do
lámh.
11 Oir ní scarfuid na boicht choidhche
ris a ndúithche: uimesin cuirimsi dfia-
chuibh ortsa, dhá radh, oisceola tú do
lámh go fairsing dot dhearbhrathair, dot
bhochd féin, agus dot ríachdanach féin
ann do dhúithche.
12 Agus má racthar do dhearbhra-
thair, Eabhruidhe fir nó Eabhruidhe mná
riot, agus go mbiáidh ag serbhis duit go
céann sé mbliaghan, annsin ar an séachd-
mhadh bliadhain, léigfe tú dhó im-
theachd saor uáit.
13 Agus a nuáir chuirfios tú amach
saor uáit é, ní léigfe tú dhó imtheachd
uáit folamh.
14 Cuirfe tú leis go fairsing as do
thréud, agus as hurlár, agus as do
chuid fíona, dá gach ní ler bhean-
nuigh do Thighearna Dia thú do béara
tú dhósan.
15 Agus cuimhneocha tú go raibh
tú féin a ndaóirsi san Négipt, agus
gur fhúascuil do Thighearna Dia
thú; uime sin aithnighimsi an nísi
dhíot a niugh.
16 Agus is amhluidh bhías, má deir
sé riot, ni imeocha mé uáit; do chionn
gur grádhuigh sé thú agus do thigh,
do bhrigh go bhfuil se go maith ad
fhochair.
17 Ann sin glacfa tú meanadh, agus
cuirfe tú tré na chluáis annsa dorus é,
agus biaidh sé na sheirbhiseach agad go
bráth: agus mar an gcéadna dhéanas tú
red bhanógluich.
18 Na bíodh na chrúas ort a nuair
chuirfeas tú saor uáit é, óir do bhí
fá dhó comhmaith ré serbhiseach túa-
rasdail, ag déanamh seirbhise dhuit sé
bliadhna; agus beinneochaidh do Thi-
ghearna Dia thusa ann gach uile ní da
ndéana tú.
19 Gach uile chéad thoradh firionn
dá ttiucfa ód ealbha, agus ód thréud,
naomhthochaidh tú dot Thighearna Dia
iad: ní dhéana tú obair ar bith le
cédghein do bhó, agus ní lomfa tú
céadhúan do chaórach.
20 Iósa tú é a bhfiaghnuisi do Thi-
ghearna Dé gacha bliadhna, san náit
noch thoighfeas an Tighearna, thú féin
agus muintir do thighe.

21 Agus

21 Agus má bhionn cáidhé ar bith
ann, má bhionn bacach no caoch, no
droch aineamh ar bith air, ní dhéana tú
íodhbuirt dhe dot Thighearna Día.
22 Iosa tú é taobh a ſtigh dot
dhoirſibh, ionann iosas an duine neamh-
ghlan agus glan é, mar an phoc fhionn
agus mar an gcáirrfhiadh.
23 Amháin ní íosa tú a fhuil,
dóirtſe tú ar an ttalamh i amhuil
uiſge.

CAIB. XVI.

Ar na trì fleadhaibh móra. 2 na cáſg. 9 na ſeachdmhuine. 13. na ttabernaclach. 18 ar bhreitheamhnaibh. 21. anadhaidh adhbhair an íodbaladhradh.

COimhéad mí Abib, agus cumhduigh
an Cháiſg dot Thighearna Día;
óir is a mí Abib thug do Thighearna
Día amach as an Négipt thú an ſa
noidhche.
2 Do dhéana tú ar a nadhbharſan
íodhbairt na Caſg dot Thighearna Día
don tréud, agus don airghe, ſan náit
ann a ttoighfigh an Tighearna a ainm
do chur.
3 Ní íosa tú arán Loibhín leis: ſeachd
lá íoſas tú Arán gan Loibhín leis, eadhon
arán na triublóide.(óir tháinic tú amach
as crích na Hégipte go deifreach,) chor
go gcuimhneocha tú an lá tháinic tú
amach as crích na Hégipte ſeadh laé-
theadh do ſhaoghail.
4 Agus ní faicfidhior aran loibhín a
néanáit bheanus riot ar feadh ſheachd
lá, ní mó mhairfios éainghreim don nfeoil
dá ndéana tú íodhbairt an chéadla tráth
nóna, go maidin ar na mhárach.
5 Ní fhéadann tú íodhbairt na Cáſg
do dhéanamh táobh a ſtigh dáondorus
dá ttug do Thighearna Día dhuit.
6 Ach ſan náit thoighfeas do Thigh-
earna Día do chur a anma ann, annſin
do dhéana tú íodhbuirt na Cáſg tráth
nóna ag dul ſíos don ghréin, fá nam a
ttáinic tú amach as an Négipt.
7 Agus roſtſa agus íosfá tú é ſan
náit thoighfeas do Thighearna Día,
agus fillfe tú ar maidin, agus rachaidh
tú dot lóiſtinibh.
8 Sé la íoſas tú aran gan loibhin,
agus an ſeachdmhadh lá biáidh comh-
chruinniughadh ſollamanta agad dot
Thighearna Día, agus ní dhéana tú
éainghne oibre ann.
9 Seachd ſeachdmhuine chomháirfios
tú dhuit féin, toſuigh comhairéamh na
ſeachd ſeachdmhuine ó nam ar thoſuigh
tú an corrán do chur ſa ngort.
10 Agus coimhéadfa tú féuſta na
ſeachdmhuineadh dot Thighearna Día
maille re tabhartus ofrála thoileamhla do
láimhe, noch bhéaras tú dot Thighearna
Día do réir mar do bheannuigh do Thi-
ghearna Día thú.
11 Agus do dhéana thú gáirdeachu
lathair do Thighearna Dé, thú féin, a
do mhac, agus hinghion, hóglach, a
do bhanóglach, agus an Lebhíte
noch atá taobh a ſtigh dot dhoirſi
agus an coimhightheach,& an dilleach
agus an bhaintreabhach bhias b
meaſc,ſan náit noch thoighfeas do Thi
earna Día do chur a anma ann.
12 Agus cuimhneocha tú go raibh
ad dhuine dháor ſan Négipt, a
coimhéadfa tú, agus do dhéana tú
reachda ſo.
13 Coimheadfa tú féuſta na ttabe
naclach, ſeachd lá tar éis thú do ch
nniughadh do choda arbha, agus ſ
a ſteach.
14 Agus do dhéana tú gáirdeachus
thféaſta, thú féin, agús do mhac, a
hinghion, agus hóglach, agus do bh
óglach, agus an Lebhíteach agus
coimhightheach, agus an dilleachda, a
an bhaintreabhach atá taobh a ſtigh d
dhoirſibh.
15 Seachd lá choimhéadfas tú féa
ſollamanta dot Thighearna Día, ſa
náit noch thoighfeas an Tighearna;
chionn go mbeinneochuidh doThigh
Día thú ion huile bhiſeach, agus in
huile oibreacha do lámh; uime ſin
demhin do dhéana tú gáirdeachus.
16 Trí huáire ſan mbliadhuin tha
béantar huile fheardha a bhfiadhn
do Thighearna Dé ann ſa náit noch
thoighfeas ſé: a bhféaſta a naráin ga
loibhín, agus a bhféaſta na ſeachdm
ineadh, agus a bhféaſta na ttabernacl
agus ní thiocfaid folamh a lathair
Tighearna.
17 Do bhéara gach éanduine úadh m
bhias a chumus, do réir bheannuighthe do
Thighearna Dé noch thug ſé dhuit.
18 Do dhéana tú breitheamhuin, ag
oifigidh ion huile dhoirſibh, do bheir do
Thighearna Día dhuit ar feadh do
threabh uile, agus do dhéanuid breithea-
mhnus air do phobail maille re bre-
theamhnus ceart.
19 Ní dhéana tú coimhéigneadh bre-
theamhnuis, ní thiubhra tú meas a
pearſuinnibh ſeach a chéile, agus n
ghéubha tú cumha; óir dalluigh an
chumha ſúile na ndaoine eagnuighe, agus
aidhmhillidh bríathra na bhfirean.
20 An ní bhias ro cheart is ſé lean
tú, chor go mairfe tú, agus go ngeuba
tú oighreachd a nfearuinn do bhéara do
Thighearna Día dhuit.
21 Ní chuirfe tú dhuit féin garrd
ar bith crann, láimh ré haltóir do Thi-
ghearna Dé, noch do dhéana tú dhuit
féin.
22 Agus ní mó chuirfios tú íomhá
ar bith ſúas duit féin, noch fhuath
ghios do Thighearna Día.

CAIB.

CAIB. XVII.

...n iodhbart do bheith gan toibheim. 8 na ſagairt agus na Breitheamhuin do reithi-gheas gach cruadh-chúis. 14 Togha, 16 agus dleaſdannas Rí.

NI dhéana tú bulóg ar bith diodh-
bairt dot Thighearna Día, nó
...daca a mbía aineamh no gráin ar bith: óir
...s adhſhuathmhaireachd ſin ag do Thi-
ghearna Día.
2 Má gheibhthior bhur meaſg táobh a
ſtigh dot dhoirſibh, noch thug do Thigh-
earna Día dhuit, fear nó bean do rinne
...ir ghráineamhuil a radharc do Thigh-
earna Dé a mbriſeadh a chunnartha.
3 Agus go neachaidh agus gur fhrea-
...fágh dée eile, agus gur adhraidh íad,
...n ghrían no an ghealach, no éinni do
...lfágh nimhe nach ar aithin miſi.
4 Agus go ninneoſtar dhuitſi é, agus
go gcluala tú, agus gur cheaſtuigh tú go
dúthrachdach é, agus féuch mas fíor é,
agus an ní dearbhtha gur hoibrigheadh
a leithéid ſin dathfhúathmhaireachd a
Niſrael:
5 Ann ſin do bhéara tú an fearſin
amach nó an bheanſin, noch do rinne
an droichní ſin go nuige do dhoirſi,
an fear nó an bhean chéadnaſin, agus
...chfa tú lé clochuibh íad, no go
...guid.
6 Do reír bhéil dha fhíadhuin no
...trí bhfíadhan cuirfighear chum báis an
té thuillfeas bás; achd ar ſon ghlóir
...duine amháin ní cuirfighear chum
báis é.
7 Biaid lámha na bhfíadhan air ar tús
da chur chum báis, agus na dhiáigh ſin
lámha an phobail uile: marſin chuirfios
tú an olc ar ſiubhal uáit gan a bheith
bhur meaſg.
8 Má éirghionn cúis bhiás ro chruaidh
ort a mbreitheamhnus idir fhuil agus
fhuil, idir eidhliodh agus eidhliodh, agus
idir bhuille agus bhuille, do chúiſibh
...reaſuin taobh a ſtigh dot dhoirſibh:
annſin éireocha tú, agus racha tú ſúas
ſan náit thoighfeas do Thighearna
Día:
9 Agus tiucfa tú gus na ſagartuibh
Lebhiteach, & gus an mbreitheamh bhías
ann is na láethibhſin, agus ceiſteochuidh
tú, agus taisbéanfuid dhuit breath an
bhreitheamhnuis.
10 Agus do dhéana tuſa do réir
a nórduighe thaisbéanuid dhuit an drong
bhías don náit ſin, noch thoighfeas do
Thighearna, agus do bhéara tú dot aire
a dhéanamh do réir gach a ttéagoſcuid
dhuit.
11 Dó réir órduighthe an dlighe
mhúinfid ſiad dhuit, agus do réir an
bhreitheamhnuis inneoſuid duit, do
dhéana tú: ní chláonfa tú ó nórdughadh
thaisbéanuid duit, air a láimh dheis nó ar
láimh chlé.
12 Agus an duine do dhéanas go
heaſurramach, agus nach éiſtfidh ris an
tſagart, noch ſheaſas ann ſin do mhin-
iostrála chd a lathair do Thighearna Dé,
nó ris an mbreitheamh, fuileonguidh an
duine céadna ſin bás; agus cuirfe tú an
tolc ar ſiubhal ó Iſrael.
13 Agus cluinfid an pobal uile, agus
biáidh eagla orra, agus ní dhéanuid
eaſurradhas ni is mó.
14 A nuáir thiocfas tú don dúithche
do bheir do Thighearna Día dhuit, agus
ſhealbhochus tú í, agus áitreabhus tú
innte, agus déara tú, cuirfe mé Rígh
ós mo chionn do nós na gcineadhach uile
atá um thimchioll.
15 Cuirfe tú ar gach uile chor an
té ſin na Rígh ós do chionn, noch thoigh-
feas do Thighearna Día, aon a meaſc do
dhearbhbhráithreach chuirfios tú na Rígh
ós do chionn: ni fhéadann tú coimhigh-
theach do chur ós do chionn nach
bhfuil na dhearbhbhráthair agad.
16 Ach ní chruinneochuidh ſé iomad
each dhó féin, ní mó bhéarus ſé fa deara
ar an bpobal filleadh don Négipt,
chor go méideochadh ſé eich dhó féin:
do bhrígh go ndubhairt an Tighearna
ribh, ní fhillſidhe ó ſo amach ſan tſlighe
chéadna,
17 Ní mó chruinneochus ſé iomad ban
dó féin, chor nach bhfillfidh a chroidhe
ar ais; agus ní mó chruinneochus ſé
dhó féin aniomad óir nó airgid.
18 Agus is amhluidh bhías, a nuáir
ſhuíghfios ſé a ccathaóir a ríoghachda
go ſcríobhtha ſé dhó féin cóib an dlighe-
ſi ann a leabhar, amach as leabhar da
mbía a bhfiadhnuiſi na ſagart Lebhi-
teach.
19 Agus biáidh ſin aige, agus léigh-
fidh ſé ann, ar feadh laetheadh a ſháo-
ghail; chor go bhfoghluimfidh ſé eagla a
Thighearna Dé do bheith air, bríathra
an dlighesi uile do choimhlionadh agus na
reachdaſa dá ndéanamh.
20 Ionnus nach ttóigfidh a chroidhe
ſúas ós cionn a dhearbhbhráithreach, agus
nach bhfillfea ſé a leathtaoibh ón naith-
ne ar a láimh dheis nó ar a láimh chlé,
ar chor go bfaideocha ſé a láethe iona
ríoghachd, é féin, agus a chlann a lár
Iſrael.

CAIB. XVIII.

Dlighe na nLebhiteach ar Ofráilibh, Dheach-mhadh, & ar Chédthoradh. 15 Biaidh Críoſd an Fáigh ion-eiſdeadh ris. 20 ach cuir-fidhear chum báis an fáidh falſa.

NI Bhuighid na ſagairt Lebhítigh, agus
treabh Lébhi uile, roinn nó
oighreacht a Niſràel: íoſuid ſiad ofrála
an Tighearna déanta lé teinidh, agus a
oighreachd.

2 Uime

2 Uime ſin ní bhfuighid oighreachd ar bhith a meaſg a ndearbhráithreach, ſé an Tighearna a noighreachdſan mar a dubhairt ſé ríu.

3 Agus budh é ſo ceart na ſagart ón phobal, ón droing oſralus iodhbairt, ma damh nó ma caora; go ttiubhraid don tſagart an ſlennéan, agus an dá ghiall, agus an mhéudal.

4 Céadthoradh harbhair mar an ccéadna, agus thfiona, agus hola, agus prímdil lomraidh do cháorach do bhéura tú dhó.

5 Oir do thogh do Thighearna Día eiſion amach as do threabhuibh uile, do ſheaſamh do dhéanamh ſerbhiſe a nainm an Tighearna, é féin, agus a mhic go bráth.

6 Agus má thig Lebhíteach as áon dot dhoirſibh amach as Iſrael uile, mar a ndéarna ſé comhnuighe, agus má thig ſé maille re toil a inntinne don náit thoighſeas an Tighearna:

7 Ann ſin do dhéana ſé minioſtralachd a nainm a Thighearna Dé mar do níd a dhearbhráithre uile na Lebhitigh ſheaſas ann ſin a bhfiaghnuiſi an Tighearna.

8 Do gheabhuid uirid ré chéile re ithe tàobh amuich don ní thig ó mhalairt a athardhachd.

9 A nuáir thiucfas tú don dúithche do bheir do Thighearna Día dhuit, ní fhoghluimſe tú dhéanumh do réir adhfhuathmhaireachd na gcineadhach ſin.

10 Ni bhfuighthior bhur meaſc éanduine bhéurus air a mhac no air inghin dul thríd an tteinidh, nó ghnáthuighios fáiſtine, nó coimheaduighe aimſior, nó geaſadóir, nó luchd piſeog,

11 Nó draói, nó fear dhéanta comhairle re leannan ſíth, nó fáiſtineach no duibhelneach.

12 Oir a nuile dhuine do ní na neitheſi is adhfhuathmhaireachd don Tighearna iad, agus do chionn na ngraineamhlachdaſa do dhíbir do Thighearna Día amach romhad iad.

13 Biáidh tú iomlán ag do Thighearna Día.

14 Oir do umhluigheadar na críochaſa noch ſhealbhochus tú, do luchd adhartha aimſear, agus do luchd fáiſtine; acht ar do ſhonſa nior fhuiling do Thighearna Día dhuitſi ſin do dhéanamh.

15 Tóigſe do Thighearna Día Fáigh dhuit as do lár féin amach, dot dhearbhráithribh mar miſi; dhó ſin umhlochtaoi.

16 Do réir a nuile neithe dar iarr tú ar do Thighearna Día ann Horeb a ló an chomhchruinnighe, gha rádh, ná cluinim a rís guth mo Thighearna Dé, agus ná faicim an teinidh rómhorſo ní is mó, chor nach bhfuighe mé bás.

17 Agus a dubhairt an Tighea
riomſa, is maith a dubhradar ar lab
radar.
18 Tóigſe miſi dhóibh fáigh
mach as a ndearbhráithribh féin b
coſmhuil riotſa, agus cuirſe mé m
bhríathra ann a bhéul, agus laibh
ruidh ſé ríu a nuile ní dá naitheon
dhe.
19 Agus is amhla bhías, gidh
ar bith nach éiſtfidh ream bhriathr
noch laibheorus ſeiſion am ai
beanſad cuntus de ann.
20 Achd an fáigh gheabhus do l
bhairt a mainmſe, focal nach
aithin miſe dhe a labhairt,
laibheorus a nainm Dee oile,
fighear an fáigh ſin go deimhin d
báis.
21 Agus má deir tú ad chroidh
cionnus bhías fios an fhocail nár l
bhair an Tighearna, aguinn:
22 A nuáir laibheorus fáigh
nainm an Tighearna, muna tti an
ſin a gcrich, nó nach biáidh
ſin, ſé ſin an ní nár labhair an T
ghearna, ach do labhair an fáigh
handóthchulach: ní bhiaidh eag
ort roimhe.

CAIB. XIX.

Trí chaithreacha oile dádne. 4 agus a
chumhachda da bhfuil aca. 14 Gan
channa fearuinn datbrachadh. 15
fhiaghnais ar gach cúis. 16 Pionús a
fhiaghnuin bhréige.

A Nuáir ghearrfas do Thighearna
Día amach na puibleacha, noch
a ttugann do Thighearna Día
nduithche dhuitſi, agus thiucfas tú
ann a náit, agus áitreabhas tu ann
a gcaithreachuibh, agus ann a ttigh
thibh:
2 Cuirſe tú ar leith trí ca
threacha dhuit féin a meadhon thfear
noch do bheir do Thighearna Día dhuit
da ſhealbhúghadh.
3 Do dhéana tú ſlighe ullmhúghadh
dhuit féin, agus roinnſe tú imle thfear
uinn, noch do bheir do Thighearna
Día dhuit doighreachd, a ttrí chuid, chor
go bféadfuidh gach dúnmharbhtóir te
theamh annſin.
4 Agus ſé ſo cás an dúnmharbh
thóra theithfios, ionnas go ma fé
leis marthuinn; gidh bé mharbh
a chomharſa go nemhchiontach, nach
ar fhúathaigh ſé ſan naimſir do chua
thairis é.
5 Mar atá a nuáir théid dui
fa choill le na chomharſuin do ghea
radh coilleadh, agus go ttiubhra
lámh buille don tuaigh do ghearradh
chroi

chroinn fios, agus go nimeochuidh an
tiagh don tiamhthuigh, agus go mbean-
fuidh dá chomharsuinn, agus go bhfuigh-
eadh bás, teithfigh seision go cathruigh
dhíobh sin, agus biáidh béo.
6 Deagla go leanfadh dioghaltach
na fola an dúnmharbhthóir an feadh do
bhíadh a chroidhe té, agus go mbéaradh
air do chionn na slígheadh do bheith
fada, agus go muirfeadh é, ar son nár
thuill a bhás do thabhairt, do chionn
nach raibh fuath aige air, san naimsir
roimhe sin.
7 Ar a nadhbharsin aithnighimsi
dhotsa, ghá rádh, cuirse tú trí cai-
threacha ar leith dhuit féin.
8 Agus má mhéaduighionn do Thigh-
earna Día do théoranna (mar do
mhionnuigh sé dot aithribh) agus go
ttiobhra dhuit an dúithche oile noch do
gheall sé dot aithribh.
9 Má choimhéadann tú na haitheanta
so uile dá ndéanamh, noch aithnigh-
imsi dhiot a niugh, grádh do bheith
agad air do Thighearna Día, siubhal
choidhche iona shlighthibh; annsin
cuirse tú trí caithreacha oile a cce-
ann na ttrí gcaithreachsa dhuit
féin.
10 Jonnus nach dóirtfigh fuil
nemhchiontach ann do dhúithche, noch
do bheir do Thighbearna Día dhuit
mar oighreachd; mar sin nach bíadh
fuil ortsa.
11 Ach má fhuathuighionn duine ar
bith a chomharsa, agus go mbiáidh a
bhforaire air, agus go néireochuidh air
agus go mbuáilfidh go marbhthach é,
chor go bhfuighe bás, agus teithigh sé
go cathruigh dhiobhso.
12 Ann sin cuirfidh seanóruigh a
chaithreach féin fios air, agus do bhéa-
ruid léo as sin é, agus do bhéaruid
a láimh dhioghaltuigh na fola é, da chur
chum báis.
13 Ni bhiáidh truaighe ag do shúil
dó, ach cuirse tú uáit coir na fola nemh-
chionntuighe ó Israel, chor go rachaidh
go maith dhuit.
14 Ni athrochuidh tú téorann fhearuinn
do chomharsann, noch do chuireadar
sada ó shin ann hoighreachdsa noch
shealbhuigheas tú, ann sa dúithche do
bheir do Thighearna Día dhuit dá sheal-
bhughadh.
15 Ni lór éanfhiadhnuisi amhain
déirghe a naghuidh dhuine ar bith ar
son éaircirt nó ar son Peacuidh ar bith
iona bpeacuighionn sé: as béul dá fhí-
adhain, nó as béul thri bhfiadhan dhear-
bhochthar an chúis.
16 Má éirighionn fiadhuin bhréige
fuas a naghuidh éanduine chum fiadh-
nuise do dhéanamh na aghuidh san ni
nach ceart.
17 Ann sin seasfuid an días edir a
a mbía an timreasan a lathair an Tigh-
earna, a lathair na sagart, agus a lathair
na mbreitheamh bhías is na laethibhsin
ann.
18 Agus do dhéanuid na brei-
theamhuin fiafruighe dhithchiollach,
agus féach mas fiadhuin bhréige
an nfiadhuin sin, agus go ndearnuidh
fiadhnuisi bhreige a naghuidh a dhear-
bhrathar.
19 Ann sin do dhéantaoi ris mar do
shaoil seision do dhéanamh re na dhear-
bhrathair: mar sin dhíbeorus tú an tolc
ó bheith bhur measc.
20 Agus an drong bhías béo cluinfid
sin, agus biáidh eagla orra, agus ni
dhéanaid ó sin amach a leithéid sin dulc
bhur measc.
21 Agus ni bhiaidh truaighe ann do
shúil, ach rachuibh anum ar son anma,
súil ar son súile, fiacuil ar son fia-
caile, lámh ar son láimhe, agus cos ar
son coise.

CAIB. XX.

An reachd attimcheall an chogaidh. 5 Agus na ndaoine nach jarrfuighear chum dol a ccionn chatha.

A Nuáir rachus tú amach do throid
a naghuidh do námhad, agus do
chíse tú eich agus carbuid, agus daóine
is lia na thú fein, ná biodh eagla ort
rompa: óir atá do Thighearna Día
maille riot, noch thug amach as crích
na Hégipte thú.
2 Agus is amhla bhías a núair thi-
ucfuidhe láimh ris an ccath, go tti-
ucfuidh an sagart chuguibh, agus go
laibheoruidh ris an bpobal.
3 Agus déara sé riú, Eistigh ó a
Israel, atathaoi ag dul a niugh a ndáil
chatha a naghuidh bhur namhad; ná
laguigheadh bhur ccroidhthe, agus ná
criothnuighidh, agus nar mó bhías úath-
bhás oruibh ar a son sin.
4 Oir sé bhur TTighearna Día an té
théid libh do throid re bhur námhuid,
da bhur ttárthail.
5 Agus laibheoruid ná hoifigidh
ris an bpobal, gha rádh, Cia hé an
duine sin do rinne tigh núadh, agus
nach ar thoirbhir é? imthigheadh sé, agus
filleadh dhá thigh, deagla go muirfidh
é san chath, agus go ttoirbheoradh
duine oile é.
6 Agus cía hé an duine do chuir
fíneamhuin, agus nach duáigh dá tor-
adh? imthigheadh seision mar an gcé-
adna, agus filleadh dha thigh, deagla go
muirfidh é san chath, agus go niosadh
duine eile dhí.
7 Agus cia hé an duine thug geal-
ladh dhá mhnaoi, agus nach ttug chuige
í? imthigheadh sé, agus filleadh dha
thigh, deagla go ttuitfeadh san chath,
agus go mbéaradh fear oile leis í.

8 Agus

8 Agus laibheoruid na hoifigdh tuilleamh ris an bpobal, agus déaruid ſiad, cia hé an duine atá eaglach nó lagchroidheach? imthigheadh ſé, agus filleadh ſé dhá thigh, deagla go laigeochadh croidhe a dhearbhraithreach mar a chroidhe ſion.

9 Agus is amhla bhías a nuáir do dhéanuid na hoifigidh críochnughadh ar a ccomhradh ris an bpobal, go ndeanuid ſíad caiptínigh air a tſlúagh, do thréorughadh na ndáoine.

10 Mar thiucfa tú a bhfogus do chathruigh do throid na haghuidh, ann ſin fúagair ſíothcháin di.

11 Agus is amhluidh bhías, má bheir ſí freagra ſíothchánta ort, agus oſcladh romhad, ann ſin is amhluidh bhias, a mbiáidh do dhaóinibh innte béid ſa áirdchíos agadſa, agús ag ſeirbhís duit.

12 Agus muna ndearna ſith riot, achd go ndéana ſi cogadh ad aghaidh. annſin cuirſe tú foſlungphurt re na haghaidh.

13 Agus a nuáir ſheachodas do Thighearna Día ad láimhſi í, muirſe tú gach éainf hirionnach ínnte le fáobhar an chloidhimh.

14 Ach na mná, agus na daoine beaga, agus a náirnéis, agus a nuile ní da mbia ſan chathruigh, a héadáil uile, do bhéara tú chugad féin íad, agus íoſa tú éadáil do námhad, noch thug do Thighearna Día dhuit.

15 Mar ſo dhéanas tú ris na caithreachuibh uile atá ro fhada uáit, nach bhfuil do chaithreachuibh na gcineadhach ſa.

16 Ach do chaithreachuibh na muintireſi, noch do bheir do Thighearna Día dhuit mar oighreachd, ní ſhaorfa tú béo éinní ann a mbia anál.

17 Ach ſcriosfa tú thríd amach íad, mar atá na Hititigh, agus na Hamoritigh, na Cananítigh, agus na Peiriſítigh, agus na Hibhítigh, águs na Jebuſitigh, mar do aithin do Thighearna Día dhiot.

18 Chor nach múinfid dhíbh a dhéanamh do réir a nuile ghráineamhlachd do rinneadarſan dá ndeéibh: mar ſin do dhéantaoiſi peacadh a naghaidh bhur TTighearna Dé.

19 A nuáir bhías tú re haghuidh caithreach a bhfad, ag déanamh cogadh na haghaidh chum a gabhála, ní ghearrfa tú a gcrainn ag búaladh tuaighe ionta: óir féadfa tú ithe dhíobh, agus ní ghearrfá tú ſíos íad, (óir ſé crann an mhachaire [beatha] an duine) dá ccur á bfeidhm anſna ccampa.

20 Amháin na crainn a naitheonuidh tú nach crainn thoruidh íad, leacfa tú, agus gearrfa tú ſíos, agus do dhéana tú tuir dhíobh re haghuidh na caithreach bhías a ccogadh riot, nó go ngabhthar í.

CAIB. XXI.

Reachd ar mharbhadh fholuigheach, 10 ... bhrághaid. 15 an ched-ghin. 38 ... mhac cheannlaidir. 22 agus ar an ... do chrochthar.

MA gheibhthior duine marbh ... tír noch do bheir do Th... earna Día dhuit dá ſealbhughadh, ... luidhe ſan mhachaire, agus gan fios ... mharbh é.

2 Ann ſin tiocfaidh do ſheanóirigh... agus do bhreitheamhuin, agus toimh... ſuid chum na ccaithreach atá tímchioll a... tí muirfighear.

3 Agus is amhluidh bhías, an chaithr... bhus foigſe don duine mharbh, gl... fuid ſeanóirighe na caithreach ſin c... pach, le nar hoibrigheadh, agus n... tharruing annſa chuing.

4 Agus béuruid ſeanóirighe na ca... treach ſin an cholpach ſíos go glea... garbh nach ar treabhadh, agus nach a... cuireadh, agus gearrfuid anſin a muine... don cholpuidh anſa ngleann.

5 Agus tiucfuid na ſagairt m... Lébhi a lathair (oir is íad do thogh d... Thighearna Día do mhinioſtralachd dó, agus do bheannughadh a nainm an Tighearna, agus is lé na mbreithir críochnuighthear gach uile imreaſain, agus gach uile bhuille.)

6 Agus nighfid ſeanóirighe na cai... threach ſin uile is foicſi don duine mhairbh a lámha, ós cionn na colpuigh dar baineadh a ceann anſa ngleann.

7 Agus freagoruid, agus a déruid, ní híad ar lámhainne do dhoirt an nfuilſi, ní mó do chonncadar a ſúile é.

8 Bí trócaireach a Thighearna dot phobal Iſrael, noch do fhúaſcuil tú, agus ná cuir fuil nemhchiontach a leith do phobail Iſrael: agus maithfighear an fhuil dóibh.

9 Mar ſin chuirfeas tú uáit coir na fola nemhchiontuigh ó bheith eadruibh, a nuáir do dhéana tú an ní is ceart a radharc an Tighearna.

10 A nuáir rachus tú amach do chathughadh a naghuidh do námhad, agus má thug do Thighearna Día ad lámhuibh íad, & gur ghabh tú íad na mbraighdibh.

11 Agus go bhfaicionn tú a meaſc na mbraighde bean dheaghmhaiſeach, agus a mbía dúil agad innte, go madh mian leachd a beith agad na mnaoí:

12 Ann ſin do bhéara tú don bhaile í dot thigh, & bearrfa ſí a ceann, agus beanfa ſí a hingne dhi.

13 Agus cuirſe ſí a culaidh bhraighdionuis di, agus fanfuidh ann do thigh, agus biáidh cumhaidh a hathar, agus a mathar uirre mí iomlán, agus na dhiaigh ſin do dhéana tú bean di, agus budh tú a fear, agus budh iſi do bheanſa.

14 Agus

14 Agus is amhla bhías, muna raibh
dúil agad innte, annsin do bhéara tú
cead di dul mar ar toil lé féin, achd ní
reacfa tú í ar éanchor ar airgiod, ní
dhéana tú arradh dhi, do chionn gur
umhluigh tú í.
15 Ma bhíonn días ban ag duine,
bean ionmhuin, agus bean neimhion-
mhuin, agus go mbéaruid clann dó, an
bhean ghrádhach, agus an bhean fuua-
thmhar, agus do madh leis an mnaoi
fhuathmhur an chéaidghin mhic.
16 Iſeadh bhías de ſin, a nuáir do
bhéara ſé ſealbh dá mhacuibh don ní
bhías aige, nach bhféadfa céidghin do
dhéanamh do mhac na mná ionmhuine,
roimhe mhac na mná neimhionmhuine,
(noch) as é go deimhin an chéidghin.
17 Achd aidmheochuidh ſé mac na
mná nách ionmhuin leis mar a chéidghin,
maille re roinn dhúbalta do thabhairt
dó dá gach uile ní bhias aige, òir is
eiſion céadthús a neirt, is leis ceart na
céidghine.
18 Má bhíonn mac ceannláidir eaſur-
rumach ag duine nach uimhleochuidh
do ghlór a athar, no do ghlór a mhathar,
noch uimhleochuidh dhóibh a nuáir
smaichdeochaid é.
19 Ann ſin glacfuidh a athair, agus a
mhathair é, agus bhéaruid amach é
chum ſinſear a chaithreach féin, agus
go nuige dorus a áite:
20 Agus déaruid re ſinnſearuibh a
chaithreach: An macſa aguinne atá ſé
borb eaſurrumach, ni umhluighionn ſé
dár nguth, atá ſé cráoſach miſgea-
mhuil.
21 Agus clochfuid lúchd a chaithreach
uile é lé clochuibh, nó go raibh marbh:
mar ſin chuirfeas tú an tolc ar gcúl
uait, agus cluinfidh Iſrael uile ſin, agus
biaidh eagla orra.
22 Agus má ní éanduine coir thuil-
leas bás, agus go mbia dha chur
chum bais, agus go ccrochſa tú ré
crann é:
23 Ni bhiaidh a chorp ar feadh na
hoidhche ſan chrann, achd adhlocuidh
tú ar gach éanchor an lá ſin féin é:
óir an té crochtar, atá ſé malluigh ó
Dhía; chor nach ttruáilleochthar thfea-
rann noch do bheir do Thighear-
na Día dhuit mar oighreachd.

CAIB. XXII.

*Dlighe na ſeirce, 5 Agus na diongmhal-
tachd a cculaidh. 13 Cáſa a ttimcheall
an phóſda.*

NI fhaicſe tú damh nó cáora do
dhearbhrathar ar ſeachrán, agus
tú féin dfolach air: do bhéara tú
ar gach éanchor ar a nais chum do
dhearbhrathar iad.
2 Agus muna raibh do dhearbhra-
thair láimh riot, nó muna ſheadair tú
cía hé, an ſin do bhéara tú chum do
thighe féin é, agus biaidh agad nó go
lorgaruidh do dhearbhrathair na dhi-
áigh, agus aiſeoguidh tú dhó a ris é.
3 Mar an gcéadna do dhéana tú re
na aſſal, agus is mar ſin do dheána
tú re na éadach; agus ré gach éinní
théid a mugha ód dhearbhrathair, noch
do léig ſé a mugha, agus fuáir tuſa,
do dhéana tú mar an gcéadna: ní
fhéadann tú thú féin dfolach.
4 Ní fhaicſe tú aſſal nó damh do
dhearbhrathar ag tuitim ar a tſlighe,
agus tú dot fholach féin orra; cuid-
eocha tú leis go deimhin a ttogbháil
ſúas a rís.
5 Ní chuirfidh an bhean uimpe éinní
is coir don fhior, ní mó chuirfios an fear
culaidh mhná uime: óir an mhéid do
ní ſin, is gráineamhlachd ag do Thi-
ghearna Día íad.
6 Má theagmhann nead éin romhad
ar a tſlighe a ccrann nó ar talamh, más
éunluigh nó uighe bhias ann, agus an
mhathair na luighe ar na héunuibh no ar
na huighibh, ní ghéabha tú an mhathair
maille ris na hóguibh.
7 Ach léigſe tú ar gach éanchor
an mhathair dimtheachd, agus glacfuidh
tú na héin chugad, chor go rachuidh go
maith dhuit, agus go bhféadfa tú do
láethe dfadughadh.
8 A nuáir do dhéana tú tigh núadh,
annſin do dhéana tú caiſliollocht i
ar a uachdar, chor nach ttairreonga
tú fuil ar do thigh, má thuitionn éan-
duine dhe.
9 Ní chuirfe tú thfíneamhuin le ſíol-
ta eagſamhla, deagla go ttruaillfidh
toradh an tſíl do chuir tú, agus toradh
na fíneamhna.
10 Ní dhéana tú treabhadh lé damh,
agus le háſſal a neínfeachd.
11 Ní chuirfe tú umad culaidh do
ſhórtuibh éagſamhla, mar atá doluinn,
agus do líon a neínf heachd.
12 Do dhéana tú dhuit fabhra ar
cheithre cheathramhnuibh do chulaidh
le bhfoileocha tú (thú féin.)
13 Má bheir éanduine bean, agus
go mbia aice, agus go bhfuatheo-
chuidh í,
14 Agus go ttiubhra cúis chainte
uirre, agus go ttoigeobhuidh droch
thúaruſgbháil uirre, agus go naibeora,
Thug me an bheanſa, agus a nuair do
bhí mé aice ni bhfuáir mé na maigh-
din í.
15 Ann ſin béaruid athair agus ma-
thair an chailín comhartha óghachda an
chailín léo go ſinnſearuibh na caithreach
anſa ngeata.
16 Agus déara athair an chailín
ris na ſeanóiribh, thug mé minghion don
fhiorſa na mnaoi, agus thug ſé fúath
dhi.
17 Agus feuch, thug ſé cúis chainte na
hághuidh, ghá rádh, ní bhfuair mé hin-
ghion

ghion na maighdin: gidheadh is iad so
comharthuidhe óghachda minghine, agus
leithneochuid siad an téadach a bhfi-
adhnuisi shinnsior na caithreach.
18 Agus glacfuid seanóirighe na cai-
threach an fearso, agus smaichdeochuid
é.
19 Agus cuirfid siad cáin chéud
bpiosa airgid air, agus do bhéaruid sin
dathair an chailín, do chionn gur thóig
sé droch ainm ar mhaighdin Disrael: a-
gus biáidh sisi na mnaoi aige, ní féad-
fuidh sé a cur úadh ar feadh a
shaoghail.
20 Ach ma bhionn an ní so fírin-
nioch, agus nach bhfaicthear comhar-
thuidhe óghachda don chailín.
21 Ann sin do bhéuruid siad an
cailín amach go dorus tighe a hathar,
agus clochfuid muintir a caithreach lé
clochuibh í, nó go néuga si; do
chionn go ndéarna si leimhe an Israel,
striapachus do dhéanamh a ttigh a
hathar; mar sin chuirfidhe an tolc ar
cúl uaibh.
22 Má gheibhthear fear ag luidhe le
mnaoi gá mbia fear pósta, annsin
báiseochthar iad araon, an fear do luigh
leis an mnaoi, agus an bhean: mar sin
chuirfeas tú olc ar gcúl ó Israel.
23 Má bhionn cailín bhias na maigh-
din a ngealladh ag fior, agus go bhfui-
ghe duine ansa chathruigh í, agus go
luighfidh lé.
24 Ann sin do bhéarthaoi iad araon
amach go geata na caithreach, agus
clochfuidhe lé clochuibh iad nó go bhfui-
ghid bás; an cailín do chionn nar éigh
sí, air mbeith dhi annsa ccathruigh; agus
an fear do chionn gur thruaill sé bean a
chomharsann: mar sin chuirfidhe an tolc
ar gcúl uáibh.
25 Ach má gheibh duine cáilín ar
a mbía gealladh pósta ar na machairibh,
agus go néigneochuidh an fear í, agus go
luighfe le; annsin cuirfighear an fear
amháin chum báis do luigh lé.
26 Ach ní dhéana tú éainni ris an
ccailín, ní bhfuil coir ar bhith annsa
chailín thuilleas bás: óir mar éirghios
duine a naghuidh a chomharsann, agus
mharbhas é, is marsin atá an chúissi.
27 Oir fuáir sé san mhachaire í, agus
do éigh an cailín ar a raibh dain-
gean posta, agus ní raibh éinneach do
cuimhdeochadh í.
28 Ma gheibh duine cailín bhías
na maighdin, agus gan í pósta, agus
a héigniughadh, agus luidhe lé, agus go
mbearthar orra.
29 Ann sin an té do luidh lé, do
bhéara dá hathar caogad secel airgid,
agus biáidh sí na mnaoi aige, do chionn
gur umhluigh sé í, ní féadann a cur úadh
ar feadh a shaoghail.
30 Ní ghéabha duine bean a athar
chuige, agus ní nochdfuidh sé náire a
athar.

CAIB. XXIII.

Reachd Eagluise, 9 Reachd cogaidh. 15
Reachd tíortha.

AN té loitthear iona chlochuibh nó a
ngearthar a bhoill sheicréidea-
dhe, ní reachuidh a ccomhchruinnighe-
adh an Tighearna.
2 Ní rachaidh bastard a ccomhthio-
nól an Tighearna: go nuige an deach-
mhadh glún ni rachuidh sé a steach a
gcoimhthionól an Tighearna.
3 An Tammonîteach, agus an Mo-
bîteach ní rachuid siad a gcomhthionól
an Tighearna: eadhon go nuige an
deachmhadh glún, ní rachuid a gcomh-
thionol an Tighearna go bráth.
4 Do bhrígh nach ttangadar chugaibh
lé harán, agus lé huisge an sa tslighe an
nuair thangabhair amach as a Negipt;
agus do bhrígh gur cheannchadar Ba-
laam mhac Peor as Pétor na Mesopota-
mia a taghuidh chum thusa do mhal-
lughadh.
5 Gidheadh níor eíst do Thighearna
Día ré Bálaam, ach do Jompóigh do
ThighearnaDia an mallughadh na bhean-
nughadh dhuitsi, do bhrígh gur bhin-
mhuinn le do Thighearna Día thú.
6 Ní íarrfa tù a síothcháin nó a
gconach ar feadh do shaoghail.
7 Ní fhúathocha tú Edomiteach, óir
is dearbhrathair dhuit é: ní fhúathocha
tú Egipteach do chionn go rabhuis a
choimhitheach iona dhúithche.
8 An chlann bhearthar dhóibh, rachaid
a ccoimhthionól an Tighearna iona treas
nginealach.
9 A nuáir rachus an slúagh amach a
naghuidh do námhad, an sin coimhéid
thú féin ar gach uile dhroich ní.
10 Má bhion bhúr measc éanduine nach
bía glan tre shalchar bheanus dó san
noidhche, ansin rachaidh sé amach as an
ccampa, ní thiucfa sé táobh a steach
don champa.
11 Acht as amhluidh bhías a nuair
thiucfas an tráthnóna, nighfidh sé é
féin lé huisge, agus a nuáir rachas an
ghrian faoi tiocfe sé don fhoslung-
phort a ris.
12 Biáidh ágad mar an gcéadna áit
táobh amuigh don fhoslungphort mar a
racha tú amach.
13 Agus biáidh slúasad agad ar harm,
agus is amhluidh bhías, a nuair fhair-
mheochus tú thú féin, toicheoluidh tú leis
sin, agus iompochuidh tú air hais, agus
foileochuidh tú an ní thig uáit.
14 Oir siubhluigh do Thighearna Dia
a lár do champa dot chumhdachsa agus
do thabhairt do námhad síos ad fhi-
adhnuisi: ar a nadhbharsin biáidh do
champa náomhthá, go nach bhfaicidh
sé sion éairni salach ionnad, agus nach
bhfillfeadh sé uáit.

15 Ni thiubhra tú dha mhaighistir an
seirbhiseach noch thainic ó na mhaighi-
stir chugad.
16 Coimhneochuidh sé at fhochair,
eadhon eadruibh san náit thoighfeas sé,
ann aon dot dhoirsibh mar a ttaith-
neann ris: ni fháireocha tú é.
17 Ná bíodh striapach ar bith din-
ghionuibh Israel, ná Sodomíteach do
mhacuibh Israel.
18 Ní thiubhra tú túarusdal stría-
paighe, nó lúach madruidh go tigh do
Thighearna Dé ar son móide ar bith:
óir is athfhúathmhaireachd iadso araon
dot Thighearna Día.
19 Ni thiubhra tú áirleagadh ar úsui-
reachd dot dhearbhrathair, úsuireachd
airgid, úsuireachd bhidh, úsuireachd neithe
ar bith áirleacthair ar úsuireachd.
20 Do choimhidhtheach féaduidh tú
áirleagadh do thabhairt ar úsuireachd,
achd dot dhearbhrathair ní fhéadan tú
áirleagadh do thabhairt ar úsuireachd;
chor go mbeinneochaidh do Thighearna
Día thú ann gach uile ni iona ccuirfe tú
do lámh annsa tír a ttéid tú dá seal-
bhughadh.
21 A nuáir do bhéara tú móid dot
Thighearna Dia, ná cuir ar cairde a
chóimhlíonadh: óir íarrfuidh do Thi-
ghearna Día cunntus ort ann go deimhin,
agus do bhíadh na pheacadh ort.
22 Acht muna ttuga tú móid, ni bhía
na pheacadh ort.
23 Gidh bé ní do chuáidh amach as
do bhéul, coimhéadfa tú, agus coimh-
lionfa tú é; eadhon an nofráil thoile-
amhuil do réir mar do mhóidigh tú dot
Thighearna Día, noch do gheall tú
led bhéul.
24 A nuáir thiocfas tú go gárruidh
fíneamhna do chomharsann; ansin is
éidir leachd cáora fíneamhna do fhóith
dithe ar do thoil féin, achd ni chuirfe
tú éinní ann do fhoitheach.
25 A nuáir thiucfás tú a ngort do
chomharsann, an sin féaduigh tú na
déasa do tharruing lé do láimh, achd
ni chorrocha tú corrán a narbhar do
chomharsann.

CAIB. XXIV.

*An scríbhinn dealuighe, 5 ceart agus cineal-
tus do chongmháil ris gach neach.*

A Nuáir do bhéara fear bean, agus
phósas sé í, agus go ttéigeomhuidh
nach bhfuighe sí grádh ar bith úadh
do chionn go bhfuair sé neamhgloine
éigin inte: andsin scríobhadh sé dhi
scríbhinn dealuighe, agus tugadh dhi
ann a láimh é, agus cuireadh amach
as a thigh í.
2 Agus a nuáir fhuighfios sí a thigh,
is eidir lé imtheachd, agus bheith na
mnaoi ag fear oile.
3 Agus má fhúathuighionn an dara fear
í, agus scríbhinn dealuighe do scríobhadh
dhi, agus go ttiubhra dhi ann a láimh í,
agus a cur amach as a thigh; nó má
gheibh an fear deirionnach bás do
ghabh chuige na mnaoi í:
4 Ni féadann an céidfhear do chuir
uadh í, a glacadh chuige a ris na mnaoi,
tar éis a truaillighe: óir is adhfhúa-
thmhaireachd sin a bhfiaghnuisi an Ti-
ghearna, agus ni thiubhra tú fa deara don
dúithche peacughadh, noch do bheir do
Thighearna Día dhuit mar oighreachd.
5 A nuáir do bheir duine bean
núadh, ní rachuidh sé amach chum an
cogaidh, ní mó chuirfighear cúram éinn-
eithe air: ach biáidh sé saor san mbaile
ar feadh blíadhna, agus do dhéana
sé sólás dá mhnáoi noch thug sé.
6 Ni ghlacfá éanduine cloch íachthair
nó uachdair muiliun a ngeall: oir glac-
uidh sé anum duine a ngeall.
7 Má gheibhthior duine ag goid éan-
duine dá dhearbhraithribh do chloinn
Israel, agus go ndéan sé malairt de, nó
go ndíolfaidh é, annsin báiseochthar an
gaduighe, agus cuirfe tú an tolc ar
gcúl uaibh.
8 Tabhair haire a bpláigh na Lu-
bhra go gcoimhéadfa tú go dúthra-
chdach, agus go ndéana tú do réir a
nuile neithe mhúinfid na sagairt Lebhi-
teach dhuit: mar do aithin misi dhí-
obhsan, mar sin choimheadfaoisi dhéa-
namh.
9 Cuimhnigh cread do rinne do Thi-
ghearna Día re Míriam ionsa tslighe,
tar éis teachd amach dhaóibh as an
Négipt.
10 A nuáir do bhéara tú éinní ar
áirleagadh dot dhearbhráthair, ní ra-
chuidh tú a steach dhá thigh do bhreith
gill úadh.
11 Seassa tú amuigh, agus an té dá
ttiubhra tú áirleagadh, do bhéara sei-
sion amach chugad an geall.
12 Agus ma bhíonn an duine bochd,
ní choideola tú, agus a gheall a-
gad.
13 Ar gach uile chor do bhéara tú a
gheall dó a nuáir théid an ghrian faoi,
chor go bféadfa codladh iona éadach
féin, agus beannochuidh sé thusa, agus
biáidh so na fhiréantachd duit a la-
thair do Thighearna Dé.
14 Ni fháireocha tú éintserbhiseach
túarusdail, dá mbía bochd nó daidhbhir,
dot dhearbhráithribh no dot coimhithea-
chuibh noch atá ann do dhúithche tá-
obh a stigh dot dhoirsibh.
15 Iona ló cinnte do bhéara tú a
thúarusdal dó, agus ni rachuidh an ghrí-
an sios air; óir atá sé bochd, agus
cuiridh sé a chroidhe air: deagla go
néighfeadh sé ad aghuidh ar an ttighear-
ná, agus go mbiath na pheacadh ort.
16 Ni cuirfighear na haithre chum

báis ar son na cloinne, nó an chlann
chum báis ar son na naithreadh; báiseochthar gach duine ar son a choire
féin.
17 Ní chláonfa tú breitheamhnus an
choimhithigh, nó an dílleachda, agus ní
ghlacfa tú éadach baintreabhuigh a
ngeall.
18 Ach cuimhneocha tú go rabhuis
féin do sclabhuigh san Négipt, agus gur
fhúasgail do thighearna Día as sin tú;
air a nadhbharsin aithnighimsi dhíot
an ní so dhéanamh.
19 A nuáir bheanfas tú thfoghmhar
ar an machaire, agus dheirmeodus tú
punnan annsa machaire, ní racha tú a
rís ar a ceann: biáidh sin ag an ccoimhitheach, ag an ndílleachda, agus ag an
mbaintreabhuigh, chor go mbéainneochuidh do Thighearna Día thú ann uile
oibrighibh do lámh.
20 A nuáir bhuáilfios tú do chrann
ola, ní racha tú do spíonadh na ngéag
a rís; biáidh sin ag an ccoimhitheach,
ag an ndílleacha, agus ag an mbaintreabhuigh.
21 A nuáir chruinneochas tú grápaidh
thfíneamhna, ná dioghluim na dhiáighsin: biaidh sin ag an coimhitheach, ag
an ndilleachda, & ag an mbaintreabhuigh
22 Agus cuimhneocha tú go raibh tú
ad dháoirseanach, a ccrich na Hégipte:
uime sin aithnighimsi dhíot an ni so
dhéanamh.

CAIB. XXV.

Modh smachdughadh an chontaich. 11 *An bhean mhíhnáireach.* 13 *combthrom cheart.* 17 *lérscrios re na dheanamh ar Amalec.*

MA bhionn imreasain idir dháoinibh,
agus go ttiucfuid chum breitheamhnuis, chum go ndeindis na breitheamhuin breitheamhnus eatorra: an sin
sáorfuid an fíréun, agus daimneochuid
an ciontach.
2 Agus is amhluidh bhías, ma thuilleann an ciontach a bhúaladh, go ccuirfidh an breitheamh dfíachuibh a leagadh
síos, agus gabháil air dá lathair féin, do
réir a choire, a nuibhir áirigh.
3 Ceathrachad buille fhéadus sé bhúaladh air, agus gan dul thairis: deagla
dá mbuáilfeadh é ós a chionn sin lé morán builleadh, go mbía do dhearbhrathair tarcuisneach ad radharc.
4 Ná cuir séastrach leis a ndamh
a nuáir shaltras amach an tarbhar.
5 Má chomhnuighid dearbhráithre a
bhfochair a chéile, agus go néuga áon
díobh agus gan chlann aige, ni phósfa
bean an té chuáidh déug, amuigh re
coimhitheach: biáidh dearbhrathair a
fir aice, agus béaruidh chuige na mnaoí
í, agus coimhlionfa oifig dhearbhrathar a fir dhi.
6 Agus is amhla bhías an chéadghinoch bhéarus sí go mbiáidh a náit ann
a dhearbhrathar fuáir bás, chor nach
ccuirfighear a ainm amach as Israel.
7 Agus muna ttaitnidh leis a
glach bean a dhearbhrathar do ghlacadh
chuige, annsin éirgeadh bean an dearbhráthar suas gus an ngeata, mar
mbéid na seanóirigh, agus déara sí
do dhiúlt dearbhrathair mfir sliocht
thógbháil súas dainm a dhearbhrathar
Nisrael: ní háill leis oifig dearbhrathar
mfir do choimhlionadh.
8 Ann sin goirfid sinnsir a chathrareach air, agus laibheoruid rís, agus
má sheasann seisíon na naghaidh, agus
go naibeora, ní thaithnionn rion
tabhairt:
9 Ann sin tiucfaidh bean a dhearbhrathar chuige a lathair na sinnsear, agus
sheaóilfidh sí a bhróg dhá chois, agus
buáilfe sí seile na éadan, agus freagruidh sí, dhá rádh, Mar sin do dhéanris an té nach ccuirfe tigh a dhearbhrathar súas.
10 Agus goirfighear dainm dhe a Nisrael, Tigh an té ar a bhfuil a bhróg
scaóilte.
11 A nuáir theigeomhas imreasain idir
dhuine agus duine eile, agus go ttiocf
bean fhir aca a lathair do thartháil a fir ó láimh an té bhúailfeas
é, agus go ccuirfe sí a lámh amach
agus go mbéuruidh ar bhalluibh féreideacha air.
12 Ann sin gearrfa tú a lámh dhí,
bhiáidh truáighe ag do shúil di.
13 Ní bhiáidh agad ann do mháil
comhthrum éagsamhla, comhthrom mór,
agus comhthrom beag.
14 Ní biáidh agad ann do thigh
miosúr tomhuis éagsamhla, mór agus
beag.
15 Ach biáidh agad comhthrom iomlán ceart, agus miosúr iomlán ceart biáidh
agad, chor go bhfaideochthar do laethe
an sa talamh, noch do bhéir do thighearna Día dhuit.
16 Oír an mhéid do ní a leithéidi,
agus an mhéid do ní go heaigceart,
táid na nadhfhúathmhaireachd ag
Thighearna Día.
17 Cuimhnigh cread do rinne Amariot annsa tslighe a nuáir thangabhair
amach as an Négipt.
18 Cionnus thárla sé riot
tslighe, agus do bhuáil an chuid de
ghionach dhaóibh, eadhon an mhéid
bhí anbhfann ad dhiáigh a nuáir do
tú lag, agus corrtha, agus nach
eagla Dé air.
19 Uimesin is amhluidh bhías, a
bhearus do Thighearna Día
duit ód naimhdibh uile fa gcuairt
thimchioll, ansa dúithche do bheir
Thighearna Día dhuit mar oighreachd
sealbhúghadh, go ccuirfe tú

cuimhne Amalec ó bheith faói neamh,
agus ní dhearmoda tú é.

CAIB. XXVI.

Dlighe na cceadthortha. 12 *Agus na ndeach-
mhadha.*

AGus is amhluidh bhías a nuáir thioc-
fas tú a steach ansa tír, noch do
bheir do Thighearna Día dhuit mar
oighreachd, agus sealbhochus tú í, agus
coimhneochus tú inte:
2 Go nglacsa tú don chéadchuid do
uile thoradh na talmhun, noch bhain-
fes tú dot fhearann do bheir do Thigh-
earna Día dhuit, agus cuirfe tú a mbas-
caéd é, agus racha tú don náit thoigh-
fes do Thighearna Día do chur a an-
ma ann.
3 Agus racha tú chum an tsagairt
bhías ann ansa laéthibh sin, agus déa-
ra tú ris, admhuighim a niugh dom
Thighearna Día go ttáinic mé don
dúithche do mhionnuigh an Tighearna
dar naithribh do thabhairt dúinn.
4 Agus glacfa an sagart an bhas-
caéd as do láimh, agus leacfuidh ar
lár é a bhfiadhnuise altora do Thi-
ghearna Dé.
5 Agus laibhéora tusa, agus déara
tú a bhfiadhnuisi do Thighearna
Dé, Do bhi mathair na Shirianach réidh
chum dula seachad, agus do chuáidh sé
síos don Négipt, agus do rinne cuáirt
ann sin le beagán muintire, agus thái-
nic annsin chum bheith na chineadh
mhór, chumhachdach, dhaóineach.
6 Agus do bhádar na Hégiptigh go
holc dar ccionn, agus do ghortuighea-
dar sinn, agus do chuireadar daóirse
chruáidh oruinn.
7 Agus a nuáir do éigheamar air
ar Ttighearna Día ar naithreadh, do
chuálaidh an tighearna ar nguth, a-
gus do fhéuch air ar ccrádh, agus
air ar saothar, agus air ar sárugh-
adh.
8 Agus thug an Tighearna amach
sinn as an Négipt lé láimh láidir, agus
lé righ sínte amach, agus lé húathbhás
mór, agus lé comharthuibh, agus lé hion-
gantuibh.
9 Agus thug sé a steach don náitsi
sinn, agus thug an dúithche si dhúinn
eadhon dúithche thuiltighios do bhainn
agus do mhil.
10 Agus a nois féuch thug mé liom
céadthoradh a nfearuinn, noch thug
tusa dhamh, ó a Thighearna; agus
cuirfe tú a bhfiaghnuisi do Thighearna
Dé é, agus adharfa tú a bhfiaghnuisi do
Thighearna Dhé.
11 Agus do dhéana tú gáirdeachus ré
gach éainní maith, noch thug do Thigh-
earna Día dhuit féin agus dot thigh, thu-
sa agus an Lebhiteach, agus an coimhi-
theach atá bhur measc.
12 A nuáir chuirfios tú crích ar
ghabháil deachmhuidh do bhisigh uile an
treas bliadhain, bliadhuin ghabhala na
deachmhuidh, agus go ttug tú í don
Lebhiteach, agus don choimhitheach, agus
don dilleachda, agus don bhaintreabh-
uigh, ionnus go nithid taobh a stigh
dot dhoirsibh, agus go mbéid sái-
theach:
13 Ann sin déara tú a lathair do Thí-
ghearna Dé, Thug mé liom na neithe
náomhtha amach as mo thigh, agus fós
thug mé íad don Lebhiteach, agus don
choimhitheach, agus don dílleachda, agus
don bhaintreabhuigh do réir huile ai-
theantasa, noch do aithin tú dhiom;
níor sháruigh mé haitheantasa, agus níor
dhearmuid mé íad.
14 Ní dhuaigh mé dhíobh ann mo
dhobrón, ní mó rug mé éainní aca liom
chum úsaide neamhghloine ar bith, ní
mó thug mé éinní ar son an mhairbh:
achd do éisd mé re glór mo Thighearna
Dé, agus do rinne mé do réir gach
éinnéithe dar aithin sé dhíom.
15 Féuch a núas ód áitreabh ná-
omhtha, ó neamh, agus beannuigh do
phobal Israel, agus an dúithche thug tú
dhúinn mar do mhionnuighis dar naith-
ribh, dúithche thuiltighios do bhainne
agus do mhil.
16 Annsa ló a niugh do aithin do
Thighearna Día dhiot na statúidesi do
dhéanamh, agus na breithéamhnuis: ar a
nadhbharsin coimhéadfa tú íad, agus do
dhéana tú íad ód uile chroidhe, agus léd
hanum uile.
17 Dadmhuigh tú a niugh an Tigh-
earna a bhéith na Dhia agad, agus im-
theachd iona shlighthibh, agus iona
reachduibh, agus a aitheanta do choimh-
éad, agus a bhreitheamhnuis, agus aire
do thabhairt dá ghlór.
18 Agus dadmhuigh an tighearna
dhuitsi a niugh gur tú a phobal áirigh,
mar do gheall sé dhuit, agus go ccoimh-
éadfi a aitheanta uile.
19 Agus go ndéana sé árd thú ós ci-
onn a nuile chineadh noch do rinne sé,
a moladh, agus a nainm, agus a nonóir;
agus go madh héidir leachd bheith mar
phobal naomhtha ag do Thighearna Día,
már a dubhairt sé.

CAIB. XXVII.

*Do horduigheadh na Haitheanta do scríobhadh
ar chlocchaibh.* 11 *Sé treabha ar Sliabh Ge-
risim do bheannughadh an phobail.* 13 *sé
oile ar sliabh Ebal, do mhallughadh.*

AGus do aithin Máoisi maille re
seanóirighibh Israel don phobal,
ga rádh, coimhéaduigh na huile ai-
theanta, noch aithnighimsi dhaóibh a
niugh.
2 Agus is amhluigh bhías ar an lá a

rachtaói tar Jordán anonn don dúithche
do bheir do Thighearna Día dhuit go
ccuirse tú súas duit féin clocha móra,
agus a ndóbáil lé dóib.
3 Agús scriobhtha tú orra bríathra
an dlighesi uile a nuair rachus tú thairis
anonn, chor go bhféadfa tú dul a steach
don tír sin dho bheir do thighearna
Día dhuit, fearann thuiltighios do bha-
inné agus do mhil: mar do gheall an
Tighearna Día haithreadh dhuit.
4 Uimesin is amhluigh bhías a nuáir
rachtaói tar Jordán anonn, go gcuir-
fidhe na clocha so súas, noch aithni-
ghimsi dhaoibh a niugh a sliabh Ebal,
agus do dhéantaoi a ndóbáil lé dó-
ib.
5 Agus ansa náitsin do dhéana tú
altóir dot Thighearna Día, altóir do
chlochuibh: ní thóigfe tú súas urnéis
iaruinn ar bith orra.
6 Cuirfe tú súas altóir dot Thighear-
na Día do chlochuibh iomlána, agus
ofráilfe tú íodhbuirt loisge uirre dot
Thighearna Día.
7 Agus ofráilfe tú íodhbuirt shío-
chchana, agus íosa tú annsin, agus do
dhéana tú gáirdeachus a bhfiadhnuisi do
Thighearna Dé.
8 Agus scríobhtha tú ar na clochuibh
uile bhríathra an dlighesi go ro
shoilléir.
9 Agus do labhair Maóisi, agus na
sagart Lebhítech ré Israel uile, ghá
radh, tugaidh bhur naire, agus éistigh
ó a Israel, annsa ló so tháinic tú
chum bheith ad phobal ag do Thi-
ghearna Día.
10 Uimhleocha tú ar a nádhbharsin
do ghlór do Thighearna Dé, agus
coimhlionsa tú a aitheanta, agus a
reachda noch fhúagruimsi dhuit a
niugh.
11 Agus do chuir Maóise do chú-
ram air an bpobal annsa lá sin féin
dhá rádh.
12 Béid so na seasamh ar shliabh Ge-
risim do bheannughadh an phobail a
nuáir rachtaoi tar Jordan anonn; Si-
meon, agus Lébhi, agus Júdah agus
Issachar, agus Jóseph agus Benja-
min.
13 Agus seasshuid so ar shliabh E-
bal do mhallughadh; Réuben, Gad,
agus Aser, agus Sebulon, Dan, agus
Naphtali.
14 Agus laibheoruid na Lebhítigh, a-
gus déaruid re cloinn Israel uile maille
re guth árd.
15 Go ma malluigh an duine dhéanas
íomháigh ghrábhálta nó leaghtha, athshú-
athmhaireachd don Tighearna, obair
lámh anshir ceirde, agus chuireas a nio-
nad uáighneach í: agus freagoruidh an
pobal uile, agus déaruid, Amén.
16 Go ma malluigh an té tharcuisni-
ghios a athair nó a mhathair: agus déa-
ra an pobal uile, Amén.
17 Go ma malluigh an duine áthro-
chus téoranna fhearainn a chomhar-
sann: agus déara an pobal uile, Amén.
18 Go ma malluigh an té chuir
seachrán air an ndall as a tslighe:
déara an pobal uile, Amén.
19 Go ma malluigh an té chlaon
breitheamhnus an choimhidhthidh, a
dílleachda, agus na baintreabhuigh:
déara an pobal uile, Amén.
20 Go ma malluigh an té luighios
mnaói a athar, do chionn go nochdann
náire a athar: agus déara an pobal
uile, Amén.
21 Go ma malluigh an té luighios le
beathach ar bith: agus déara an pobal
uile, Amen.
22 Go ma malluigh an té luighios
le na dheirbhshiair, inghion a athar
inghion a mhathar: agus déara a
pobal uile, Amén.
23 Go ma malluigh an té luighios le
na bhainchlíamhuin; agus déara an po-
bal uile, Amén.
24 Go ma malluigh an té bhuailios
a chomharsa a bhfeill: agus déara a
pobal uile, Amén.
25 Go ma malluigh an té ghabhas
cumha do chionn duine nemhchiontach
do mharbhadh: agus déara an pobal
uile, Amén.
26 Go ma malluigh an té nach dtái
gneocha bríathra an dlighesi uile d
ccoimhlionadh: agus déara an pobal
uile, Amén.

CAIB. XXVIII.

Tairrgir naomhtha ar shonuis a u
umhlachd. 15 Inneachadh agus ar
nlorg easumhlachd.

AGus tiucfa a ccrích, má éistean
tú go dúthrachdach re glór do
Thighearna Dé, do choimhlionadh,
do dhéanamh a aithneadh uile,
aithnighimsi dhiot a niugh, go gcuir
do Thighearna Día súas tú ós cionn
gach uile chineadh ar talumh.
2 Agus tiucfhaid ro beannachdasa
ort, má éisteann tú ré glór do Th-
ghearna Dé.
3 Biaidh tú beannuigh sa chathrach
agus biáidh tú beannuigh ansa m-
chaire.
4 Budh bheannuigh bhías toradh
chuirp, agus toradh thfearuinn, agus
radh háirnéisi, biseach do bhó, agus
seach do thréud cáorach.
5 Budh beannuigh do bhascáeid,
do stór.
6 Budh beannuigh thú a nuáir thi
fas tú a steach, agus budh bean
thú a nuáir rachus tú amach.
7 Do bhéara an Tighearna
do naimhde noch éirgheas súas
ghaidh, do bhúaladh ad lathair
faid amach a néintslighe amháin
ghaidh, agus teithfid romhad
achd slighthibh.

8 Fuaigeoruidh an Tighearna a bheannughadh ort ann do thigh stórúis, agus ann gach uile ní iona ccuirfe tú do lámh: agus béinneochuidh sé thú ansa dúithche do bheir do Thighearna Día dhuit.

9 Daingneochuidh an Tighearna thú mar phobal náomhtha dhó féin mar do mhionnuigh sé dhuit, má choimhéadann tú aitheanta do Thighearna Dé, & siubhal iona shlighthibh.

10 Agus do chife na huile dhaóine ar talamh go ngoirfighear thú a nainm an Tighearna, agus biáidh eagla aca romhad.

11 Agus do dhéana an Tighearna saidhbhir a maóin thú, a ttoradh do chuirp, agus a ttoradh háirnéisi, agus a ttoradh do thalaimh an sa dúithche noch do mhionnuigh an Tighearna dot aithribh do thabhairt dhuit.

12 Oifceoluidh an Tighearna a ionmhus maith dhuit, neamh do thabhairt fearthanna dot fhearann na ham féin, agus do bheannughadh uile oibreach do lámh: agus do bhéara tú áirleagadh do mhórán do chineadhachaibh, agus ní iarrfa tú áirleagadh.

13 Agus do dhéana an Tighearna ceann díot, agus ní hearball, agus biáidh tú amháin a núachdar, agus ní bhiáidh tú a níochdar: má éistionn tú re haitheantuibh do Thighearna Dé, noch aithnighimsi dhiot a niugh, dá ccoimhéad agus dá gcoimhlionadh.

14 Agus ní racha tú a leathtaoibh ó éanfhocal dá labhruimsi riot a niugh ar a láimh dheis nó ar a láimh chlé, do leanmhuin Dée oile do dhéanamh seirbhíse dhóibh.

15 Ach tiucfa a ccrích, muna numhlighe tú do ghlór do Thighearna Dé, do choimhéad a aithneadh uile do choimhlionadh agus a reachda uile, noch aithnighimsi dhíot a niugh, go ttiucfuid na mallachdasa uile ort, agus go mbéaruid ort.

16 Biáidh tú malluigh an sa chathruigh, agus biáidh tú malluigh an sa machaire.

17 Biáidh do bhascáeid, agus do stór malluigh.

18 Biáidh toradh do chuirp malluigh, agus toradh thfearuinn, biseach do bhó agus do thréad cáorach.

19 Biáidh tú malluigh a nuáir thiucfas tú a steach, agus biáidh tú malluigh a nuáir rachus tú amach.

20 Cuirfe an Tighearna mallughadh ort, agus buáidhreadh, agus míochlú an sa nuile ní iona cuirfe tú do lámh dá dhéanamh, nó go tuitfe tú, agus go nimthidh tú seachad go hobann, do chionn urchóide do ghníomh ler thréig tú misi.

21 Do bhéaruidh an Tighearna sa deara don phláigh leanmhuin díot nó go sgriosfa sé thú as an ttír a bhfuil tú ag dul dá sealbhughadh.

22 Buailfidh an Tighearna thú le cnaói, agus lé fiabhrus, agus le haintteas agus lé loscadh iomarcach, agus leis an gcloidhiomh, agus le teinidh, agus lé gaóthruaidh: agus leanfuid síad thú nó go nimthigh tú seachad.

23 Agus budh prás an spéir bhías ós do chionn, agus íarann an talumh bhías fúd.

24 Do dhéana an Tighearna luáithreadh, agus créafóg dfearthuinn do dhúithche: a núas ó neamh thiucfa sé ort nó go marbhthar thú.

25 Do bhéara an Tighearna sa dearado bhualadh a lathair do námhad, rachaidh tú amach a néintslighe amháin na naghuidh, agus teithfe tú a seachd slighthibh rompa, agus áthrochthar thú da gach éainríoghachd ar an ndomhan.

26 Agus biáidh do chorp na fheóil ag éanlaith a naier uile, agus ag beathachuibh na talmhan, agus ní ruaicfidh éanduine dhíot íad.

27 Buailfidh an Tighearna thú lé neascóidibh na Hégipte, agus leis na heamoroidibh, agus leis na gearbuibh, agus le tochus da nach féadfuighear do leighios.

28 Buáilfe an Tighearna thu le buile agus le daille, agus le crith chroidhe.

29 Agus do dhéana tú lámhagán a meadhon an laoi mar ghreamuighios an dall san dorchadas, agus ni bhéara tú biseach ann do shlighthibh; agus biáidh tú brúite amháin, agus millte go bráth, agus ní dhídeonuidh éanduine thú.

30 Pósfa tú bean, agus luighfe duine eile lé: do dhéana tú tigh, agus ní áitreabha tú féin ann: cuirfe tú fíneamhuin, agus ní chruinneocha tú a cáora.

31 Muirfighear do dhamh as coinne do shúl, agus ni iosa tú gréim dhe: béarthar hassal ar éigin uáit as coinne haighthe, agus ní haiseocthar dhuit é; béarthar do chaóirigh dot námhuid, agus ni biáidh duine agad bhainfeas amach íad.

32 Béarthar do mhic agus hinghiona do dhaoinibh oile, agus do chife do shúile é, agus faillfid ort lán dfonn a tteachda chugad ar feadh an laé: agus ní biáidh cumhachda ar bith ann do láimh.

33 Jósuid fineadhacha nach aithnid duit tórtha do dhúitche, agus do shaothair uile; agus biáidh tusa amháin fa dháoirsi gud bhrughadh a gcombnuidhe:

34 Jonnus go mbía tú ar mire tre radharc do shúl, noch do chifeas tú.

35 Buáilfidh an Tighearna thù ann do ghlúinibh, agus ann do chosuibh le droch bholgaidh nach éidir do shlánughadh ó bhonn do choise go mullach do chinn.

36 Béaruidh an tighearna thú féin
agus an Rígh chuirfeas tú os do chionn,
go tír nár baithnid dhuit féin nó dot
aithribh; agus annsin do dhéana tú ser-
bhís do dhéeibh oile, do chrannuibh &
do chlochuibh.
37 Agus biáidh tú ad úathbhás, agus
ad fheanrádh, agus ad fhorfhocul a
measc na nuile chineadh gus a mbéara
an Tighearna thú.
38 Béara tú mórán síl amach sán
machaire, agus ní chruinneocha tú achd
beagán a steach: óir íosuid na lócuis-
tigh é.
39 Cuirse tú fíneamhna, agus deiseo-
cha tú iad, gidheadh ní ibhthe tú don
nfíon, agus ni chruinneocha tú na cáo-
ra; óir íosuid na péiste iad.
40 Beid crainn ola agad, ar feadh
do théorann uile, achd ní ungsa tú thú
féin leis a nóla: oir sgeithfidh do chrann
ola,
41 Ginse tú mic agus inghiona, agus
ní budh leachd féin íad: óir rachuid a
mbraighdionus.
42 Millfid na lócuistigh do chrainn
uile, agus sochar thfearuinn.
43 An coimhidhtheach bhías bhur
measc éireochuidh sé súas ós do chionn
go ro árd, agus ísleochair thusa go ro
íſíol.
44 Do bhéara sé áirleagadh dhuit, a-
gus ní thiubhra tusa íasachd dósan;
biáidh sé na cheann agad, agus budh
tusa an tearball.
45 Os a chionn sin tiucfuid na mal-
lachdasa uile ort, agus leanfuid thú
agus béaruid ort nó go milltior thú
do chionn nár umhluidh tú do ghlór do
Thighearna Dé, do choimhead a ai-
théanta, agus a reachd noch do aithin
sé dhiot.
46 Agus béid síad ort mar chomhar-
tha, agus mar iongnadh ar do shliochd
go bráth.
47 Do chionn nach déarna tú ser-
bhís dot Thighearna Día lé gáirdeachus,
agus le luthgháir chroidhe ar son ioma-
damhlas an nuile neithe.
48 Uime sin do dhéana tú ser-
bhís dot námhuid noch chuirfios an Ti-
ghearna ad aghuidh, a nocrus, a ttart,
a dtárrnochdachd, agus a riachdanus
gach uile neithe; agus cuirse sé cuing
íaruinn ar dó mhuinéul nó go scriossa sé
thú.
49 Do bhéara an Tighearna cineadh
ó áit imchián ad aghuidh, ó imiol an
domhuin comhlúath agus eitiollus an
tíolar, cineadh nach ttuicse tú a ttean-
ga.
50 Cineadh gá mbía gnúis bhorb,
nach bhféachfuidh do phearsuinn ár-
sdigh, agus nach ttaisbeanuidh fabhar
don nóg.
51 Agus íosuidh sé sochar háir-
neisi, agus toradh thfearuinn nó go madh
marbh thú: noch mar an ccéadna
nach bhfúigfidh arbhar nó fíon, nó ola, ná
biseach do bhó, nó do thréud caorach,
nó go scriossa sé thú.
52 Agus suighfidh sé ad bhun ann do
uile dhoirsibh, nó go mbristior síos do
bhalluidhe árda daingne ann ar chuir
tú do dhóigh ar feadh do chríche: &
suighfidh sé ad bhun ann huile dhoir-
sibh ar fad do thíre uile, noch do
thug do Thighearna Día dhuit.
53 Agus íosuidh tú toradh do chuirp
féin, feoil do mhac, agus hinghean (noch
do thug do Thighearna Día dhuit) ann
sa champa, agus annsa chumhgach lé
millfid do naimhde thú.
54 Ionnus an té bhías máoth bhur
measg, agus ro dheaghmhaiseach go
mbía a shúil go holc a ttaobh a dhear-
bhráthar, agus a ttaobh mhná á bhrol-
luigh, agus a ttaobh na bfuighioll do
chloinn fhúigfios sé.
55 Ionnus nach ttiubhra sé déin-
neach aca roinn dfeóil a chloinne íosfa
sé, do chionn nár fágbhadh éainní ann
champa aige, agus annsa chumhgach lé
mbuáidheoruidh do naimhde thú ann do
dhoirsibh uile.
56 An bhean mháoth mhaiseach bhía
bhur measc, nach luaighfeadh bonn a
coisi do bhuain ré talumh lé finialtas, a-
gus lé rimheighe, biáidh a súil go holc
a ttaobh fhír á brolluigh; agus a
ttaobh a mic, agus a ttaobh a hin-
ghine.
57 Agus a ttaobh a hóig thig amach
as idir a dhá cois, agus a ttaobh a
cloinne noch bhéarus sí: óir íosuidh sí
íad, duireasbhuidh éainneithe eile,
go secréideach, sa ccampa agus ann
gcumhgach lé mbuaidheoruidh do ná-
mhuid thú ann do dhoirsibh,
58 Muná ccoimheada tú uile bhría-
thra an dlighesi dá ndéanamh mar atáid
scríobhtha annsa leabharsa, chor go mbía
eagla a nanma ghlórmhuir bhaogh-
luidhsi ort, DO THIGHEARNA
DIA.
59 Annsin do dhéana an Tighearna
do phlágha iongantach, agus plágha do
shleachda, plágha móra, agus mhairfeas
á bhfad, agus tinnios doilghe fad-
lach.
60 Mar an gcéadna do bhéara sé
ort uile éasláinteadh na Hégipte, roimhe
a raibh eagla ort, agus ceaingeoluid
dhiot.
61 Mar an gcéadna gach éaineasláint,
agus gach uile phláigh nach bhfuil scrío-
bhtha a leabhar an dlighesi, do bhéara
an Tighearna íad sin ort nó go scrios-
tar thú.
62 Agus is beag a nuibhir fhúig-
fighear dhibh, a nionad go rabhabhar
mar réulta nimhe ar iomadamhlachd:
do chionn nar umhluigh tú do ghlór
do Thighearna Dé.
63 Agus tiucfuidh a ccrich, mar
do ghairdigh an Tighearna ós bhur
ccionn

cciomnſa do dhéanamh bhur maitheaſa,
agus da bhar méadughadh: marſin
ghairdeochus an Tighearna ós bhur
gcionn dá bhur ſcrios, agus do dhéa-
namh neimhni dhaóibh; agus tairre-
ongthar ſibh as an ttalumh a bhfuiltí ag
dul dá ſhealbhughadh.
64 Agus ſcapfuigh an Tighearna ar
fud gach uile phobuil thú, ón gcionn
go chéile don talumh, eadhon gus
an gcuirr eile; agus anſin foigheonuidh
tú do dheeibh oile, nach ar bhíul duit
féin nó dot aithribh, eadhon do chran-
nuibh agus do chlochuibh.
65 Agus ní bhfuighe tú ſuáimhneas
ar bith a measc na gcineadhachſa, ní
mó gheabhas bonn do choile ſocamhal;
ach do bhéara an Tighearna dhuit ann
ſin croidhe criothánach, agus claochlo-
gha radharc, agus doilghios inntinne.
66 Agus biáidh hanum croichte a
ngantabhairt as do choinne, agus biáidh
eagla ort do ló agus doidhche, agus
ní bhiáidh daingion ar bith agad ar
hanum.
67 Agus déara tú ar maidin, A Dhé
nach é an tráthnóna tá ann, agus déura
tu tráthnóna, a Dhé nach í an mhaidin
atá ann, tré eagla do chroidhe lé mbía
eagla ort, agus tre radharc do ſhúl
noch do chífeas tú.
68 Agus do bhéara an Tighearna
don Négipt a rís tú a longuibh, air ar
labhair mó riot anſa tſlighe, ní ſhaicſe
tú ní bhus mó a rís í: agus annſin
reacfuighear ſibh re bhur naimhdibh
mar ſhearuibh agus mar mhnáibh dáora,
agus ní cheainneochuigh éanduine ſibh.

CAIB. XXIX.

Sochar phobuil Dé os cionn cháich. 10 *Athnuaghudhadh Chunradh Dé.* 18 *Lérſcrios an fhir bhías dáſachdach mìonáireach ſa nolc.*

IS iad ſo bríathra an chunnartha noch
do aithin an Tighearna do Mhaóiſi
do dhéanamh ré cloinn Iſrael a ttír
Mhoab, táobh amuigh don chunnradh
do rinne ſé ríu ann Hóreb.
2 Agus do ghoir Maóiſe ar Iſrael
uile, agus a dubhairt riú, do chon-
cabhair a nuile ní do rinne an Ti-
ghearna as coinne bhur ſúl a ccrích
na Hégipte ré Phárao, agus ré na ſheir-
bhíſeachuibh uile, agus ré na dhúthaigh
uile;
3 Na cathuighthe móra do chonnca-
dar do ſhúile, na comharthuidhe, agus
na hionganta mórasin.
4 Gidheadh ní thug an Tighearna
croidhe dhíbhſe le tuigſin, agus ſúile
lé faicſin, agus clúaſa lé héiſdeachd gus
an lá a niugh.
5 Agus do thréoruidh miſi ceathra-
chad bliadhan ſibh an ſa bhfáſach; níor
chríon bhur néadach umuibh, agus níor
dhreóigh do bhróg ar do chois.
6 Níor itheabhair arán, agus níor
ibheabhair fíon no deoch láidir, chor go
mbia a fhios aguibh gur miſi bhur TTigh-
earna Día.
7 Agus a nuáir thangabhair don
náitſi, tháinic Sihon Rígh Hesbon,
agus Og Rígh Báſan amach ar
naghuidh chum catha, agus do bhuá-
ileamar íad.
8 Agus do ghabhamar a ttír, agus
thugamar í mar oighreachd do na
Réubinitibh, agus do na Gaditibh, a-
gus do leath threibhe Mhanaſſeh.
9 Coimhéaduigh ar a nadhbharſin
bríathra an chunnarthaſo, agus déanuidh
íad, chor go rachdaoi ar bhur naghuidh
an ſa nuile ní do dhéantaói.
10 Seaſuidh ſibh uile a niugh a la-
thair bhur TTighearna Dé; bhur ccaip-
tínigh bhur ttreabh, bhur ſinnſir, & bhur
noifigidh, maille re fearuibh Iſrael uile,
11 Bhur ndaóine beaga, bhur mná,
agus do choimhitheach atá ann do cham-
pa; ó ghéarrthóir do chonnuidh go
tairngtheoir huiſge:
12 Chor go rachá a ccunradh ré do
Thighearna Día, agus iona mhionna,
noch atá do Thighearna Día do dhéa-
namh riot a niugh.
13 Chor go ndaingneochadh ſé thú
a niugh mar phobal dó féin, agus go
mbía na Dhia agad mar a dubhairt ſé
riot, agus mar do mhionnuigh ſé dot
aithribh do Abraham, do Iſaac, agus
do Jácob.
14 Agus ní libh féin amháin do
nímſe an cunradhſo, agus na mionna-
ſo:
15 Ach ris an té atá na ſheaſamh
aguinn a niugh a bhfiaghnuiſi ar TTigh-
earna Dé, agus mar an gcéadna ris
an té nach bhfuil na ſheaſamh aguinn
a niugh.
16 (Oír atá a fhios aguibh cionnus do
chomhnuigheamar a gcrích na Hégipte,
agus mar thangamar thríd na críochuibh
tré ar ghabhabhair.
17 Agus do chonncabhair a ngráí-
neamhlachd, agus a niodhail chrann,
agus chloiche, airgid agus óir, noch do
bhí na measc.)
18 Deagla go mbiath bhur measc
fear, nó bean, nó muintir, nó treabh, a
niompóighionn a chroidhe a níugh ór
TTighearna Día, dimtheachd agus do
fhriotholamh do Dhéeibh na ccinea-
dhachſo; deagla go mbíath bhur measc
fréamh do bhéaradh uadh domlus agus
mormónta.
19 Agus go ttiucfaidh a ccrích a
nuáir chluinſios bríathra na mallachd-
aſa, go mbenneochuidh é féin iona
chroidhe, ghà rádh, biaidh ſíth agum
gidh go ſiubholuigh mé a neaſarru-
machd mo chroidhe féin ag cur meiſge
a gcionn an tarta.

20 Ni choigeola an Tighearna eisi-on; achd annsin lasfuidh fearg an Tighearna, agus a éud a naghaidh an duinesin, agus luighfid na mallachda atá scríobhtha san leabharso uilé air, agus scriosfuidh an Tighearna a ainm ó [bheith] faói neamh.

21 Agus deileochuidh an Tighearna é chum úilc amach as treabhuibh Israel uile, do réir mhallachd an chunartha uile atá scríobhtha annsa leabharso an dlighe.

22 Iondus go naibeoruidh an ginealach thiucfas dá bhur ccloinn, noch éireochus súas bhur ndiaigh, agus an coimhitheach thiucfas ó chrích 'imchéin, a nuáir do chifid plágha na tíresin, agus an tinnios do leag an Tighearna uirre;

23 Agus gur ruibh, agus salann, agus loscadh a fhearann uile, go nach ccuirfighear í, agus nach ttiubhra toradh, no nach bhfásann luibh ar bith uirre, do réir mhillte Shodom, agus Ghomorrah, Admah agus Sheboim, noch do mhill an Tighearna iona fheirg, agus iona dhioghultas.

24 Fa dheóigh go naibeoruidh na huile chineadhacha, Cred as a ndéarna an Tighearna marso ris an ttírse? cred is ciall do theas na feirge móiresi?

25 Ann sin déaruid daóine, Do chionn gur thréigeadar cunradh an Tighearna Dé a naithreadh do rinne sé riu a nuáir thug sé amach as crích na Hégipte iad.

26 Oír do chúadar, agus do fhresdaladar Dée eile, agus do adhradar íad, Dée nar bhfeas doibh, agus nach ttug eision dóibh.

27 Agus do las fearg an Tighearna a naghuidh na tíre si, do thabhairt a bhfuil do mhallachduibh scríobhtha annsa leabharso, uirre.

28 Agus do thochuil an Tighearna amach as an ccríchsi íad a bhfeirg, agus a ndioghaltas: agus a ndibhfeirg mhóir, agus do theilg a ttír oile íad, mar atá a niugh.

29 Beanuid na neithe secréideacha re ar TTighearna Dia: achd na neithe atá ar na bhfoillsiughadh is rinne (bheanuid) siad, agus ré ar g loinn gó siorruidhe, chor go ndéanmaóis bríathra an dlighesi uile.

CAIB. XXX.

Gurab ann lé baithreachus ó chroidhe do pfillear re Dia. 11 Gur fogus follasach aithne Dé. 15 Agus beatha nó bás do réir an gníomh.

AGus tiucfa a gcrich a nuair thiucfaid na neithesi uile ort, an beannughadh, agus an mallughadh noch do chuir misi as do choinne, agus chuimhneochus tú orra a measg na n-uile chríoch chum ar dhíbir do Thighearna Día thú,

2 Agus fhillfeas tú chum do Thighearna Dé, agus uimhleochus tú do ghlór do réir a nuile neithe aithnighimsi dhiot a niugh, thú féin agus do chlann, red chroidhe uile, agus red anum uile.

3 Ann sin go niompochuidh do Thighearna Día do dhaóirse, agus go mbia truáighe aige dhuit, agus go bhfillfidh, agus go ccruinneochuigh sé thusa as gach uile chineadh a gcionn ar dhíosgaoil do Thighearna Día thú.

4 Má díbearthar éanchuid agaibh don chuid is faide uáibh don domhan, cruinneochuidh do Thighearna Día as sin thú, agus do bhéara sé as sin tú.

5 Agus do bhéaruidh do Thighearna Día thú don tír do shealbhuigheadar haithre, agus sealbhochuidh tusa í; agus do dhéana sé maith dhuit, agus foirlíonfuidh sé thú ós cionn haithreadh.

6 Agus timchillghearrfuidh do Thighearna Día do chroidhe, agus croidhe do shleachda, do ghrádhughadh do Thighearna Dé red chroidhe uile, agus led anum uile, chor go mairfe tú.

7 Agus cuirfe do Thighearna Día na mallachdasa uile ar do naimhdibh, agus ar an méid lér fuath thú, noch do rinne inghreim ort.

8 Agus fillfe thú, agus uimhleochu tú do ghuth an Tighearna, agus do dhéana tú a nuile ní noch aithnighimsi dhíot a niugh.

9 Agus do dhéana do Thighearna Día saidhbhir thú a nuile obair do láimhe, a ttoradh do chuirp, agus a sochar do mhaóine, agus a mbiseadh thfearuinn, ar mhaith: óir do dhéana an Tighearna gáirdeachus ionnad, ar mhaith, mar do gháirdigh sé ós cionn haithreadh.

10 Má éisteann tú ré guth do Thighearna Dé do dhéanamh a aithneadh, agus a reachda atá scríobhtha ansa leabharso an dlighe, agus má fhilleann tú chum do Thighearna Dé led chroidhe uile, agus led anum uile.

11 Oir a naithnesi noch aithnighimsi dhíot a niugh, ní bhfuil a bhfolach ort, nó a bhfad uait.

12 Ni ar neamh atá si, chor go naibeortha, Cia rachus dúinn súas ar neamh dá tabhairt chuguinn, chor go gcluinfiom í, agus go ndéanam í?

13 Ni mó is taobh thall dfairge atá si, go naibeortha, cia rachus tar fairge a nonn uáinn dá tabhairt chuguinn, chor go gcluinfemis, agus go ndéinmis í?

14 Acht atá an bhriathar rógharr dhuit, ann do bhéul, agus ann do chroidhe, chor go ndéantá í.

15 Féuch do chuir mé síos a niugh dhuit beatha agus maith, bás agus olc.

16 An

16 An tan do aithin mé dhiot a
niugh do Tighearna Día do ghrádhu-
ghadh, agus siubhal iona shlighthibh,
agus a aitheanta do choimhlionadh, agus
a reachda, agus a bhreitheamhnuis, chum
go mbeithea béo, agus go bhfoirlionfa:
agus beannochuidh do Thighearna Día
thú an sa dúithche a bhfuil tú ag dul dá
sealbhughadh.
17 Ach má iompóighion do chroidhe
uadh, ionnus nach éistfe tú, ach go
ttairngthear uadh thú, agus go nadh-
oruidh tú Dée oile, agus go bhfoigh-
eonuidh tú dhóibh.
18 Fúagruimsi dháoibh a niugh, go
sgriosfuighear sibh go deimhin; agus
nach bhfaideochthaói bhur láethe ar an
ndúithche a tteighthí a nonn tar Jordán
do dhul dá sealbhughadh.
19 Gairim neamh agus talumh a ni-
ugh dfiaghnuisi bhur nághuidh, gur
thoillsigh mé as bhur gcoinne, beatha a-
gus bás, beannughadh agus mallughadh:
uimesin beir beatha do roghuin, ion-
nus go mairfe tú féin agus do
shliochd.
20 Ionnus go ngráidheochuidh tú do
Thighearna Día, agus go nuimhleocha
tú dá ghuth, agus go ndruidfe tú
ris: óir is é sin do bheatha agus fa-
daghadh do Láetheadh; chor go
ccoimhneocha tú ansa dúithche noch
do mhionnuigh an Tighearna dot
aithribh do Abraham, Dísaac agus do
Jácob do thabhairt dóibh.

CAIB. XXXI.

Maoise ré gabhala cead díobh, tug Aithne don phobal. 7 *Do Josua.* 9 *Do na Sagartuibh.* 24 *Do na Lebhitibh.* 28 *Agus do na Sinnsiribh.*

AGus do chuáidh Maóise, agus do la-
bhair sé na briathrasa re Hisrael
uile.
2 Agus a dubhairt sé riú, atáimsi a
niugh céad agus fichthe bliaghain
daois, ní fhéaduim ní sa mhó dul
a steach, nó teachd amach: mar
an gcéadna a dubhairt an Tighearna
riom, Ní racha tú a nonn tar an Jor-
dán sa.
3 Rachuidh do Thighearna Día anonn
romhad, agus sgriosfa sé na cineadha-
chasa romhad, agus sealbhochuidh tusa
iad, agus rachaidh Josua a nonn ro-
mhad, mar a dubhairt an Tighearna.
4 Agus do dhéana an Tighearna ríu
mar do rinne sé ré Sihon agus ré Og
Righthe na Namoríteach, agus re na
ndúithche noch do sgrios sé.
5 Agus seachoduigh an Tighearna
sīas iad dibhse, chor go ndéantaói ríu
do réir a nuile aithne noch do aithin
misi dhibh.
6 Bithí láidir, agus bíodh meisneach
mhór aguibh, ná himeagluidh, agus ná
biodh úamhan aguibh rompa: óir
sé do Thighearna Día théid libh, ní
fheallsa sé ort, agus ní thréigfe sé
thú.
7 Agus do ghoir Maóise ar Josua,
agus a dubhairt ris a radharc Israel
uile, Bi neartmhar, agus biodh mei-
sneach mhaith agad; óir caithfe tú
dul leis an bpobal so don dúithche,
noch do mhionnuigh an Tighearna dá
naithribh do thabhairt dóibh, agus do
bhéara tú orra a glacadh a noighreachd.
8 Agus an Tighearna is eision an
té rachus romhad, biáidh sé maille riot,
ní fheallsa sé ort, ní mó thréigfios sé
thú: ná himeagluidh, agus ná bíodh
úamhan ort.
9 Agus do sgriobh Maóise an dli-
gheadhsa, agus thug do na sagartuibh
é do chloinn Lebhi, noch do iomchair
Airc chunnartha an Tighearna, agus do
sheanuibh Israel uile.
10 Agus do aithin Maóise dhíobh,
ghá rádh, a ccionn gacha seachdmhadh
bliadhan, a sollamantachd bhliadhna an
fhúascuilte, a bhféasta na ttaberna-
clach,
11 A nuáir thiocfas Israel uile dá
ttaisbéanadh féin a lathair do Thigh-
earna Dé, an sa náit thoighfeas sé,
léighfidh tú an dligheadhsa a lathair
Israel uile iona néisteachd.
12 Cruinnigh na daoine a bhfochair
a chéile, fir, agus mna, agus leinibh,
agus do choimhitheach atá taobh a
stigh dod dhoirsibh, ionnus go cluinfid
siad, agus go bhfoghlumuid, agus go
mbía eagla bhur TTighearna Dé orra,
agus go gcoimhéadaid uile bhríathra an
dlighe si do dhéanamh:
13 Agus go ccluinfid a cclann ag
nach raibh fios éinneithe, agus go
bfoghlumuid eagla bhur TTighearna Dé
do bheith orra an fad mhairfidhe ansa
dúithche mhar a ttéighthí tar Jordan dá
sealbhughadh.
14 Agus a dubhairt an Tighearna re
Maóise, féach, atáid do láethe a ngar
dhuit a ccaithfidh tú bás dfagháil: goir
Josua, agus taisbéanuidh sibh féin a
TTabernacuil an chomhchruinnigh, chor
go ttiubhra misi cúram dhó; agus do
imthigh Maóise, agus Josua, agus do
thaisbéanadar iad féin a TTabernacuil an
chomhchruinnigh.
15 Agus do thoillsigh an Tighearna
é féin annsa Tabernacuil a bpileur
néill: agus do sheas pileur an neill ós
cionn doruis an Tabernacuil.
16 Agus a dubhairt an Tighearna re
Maóise, féuch coideoluidh tú a bhfo-
chair haithreadh, agus éireochuidh an
pobalsa, agus rachuid do striapa-
chus a ndiáigh Dée gcoimhidheach
na tíre a bhfuilid siad ag dul na
measc, agus tréigfid misi, agus

bhrisfid mo chunradh noch do rinne mé
riu.
17 Ann sin lasfuidh mfeargsa na
maghuidh annsa ló sin, agus tréigfe
mé iad, agus ceilfedh mé maghuidh or-
ra, agus sluigfighear iad, agus tiuc-
faidh morán uilc agus triobloide or-
ra, ionnus go naibeoruid siad san
ló sin, Nach uime thangadar na huilcsi
oruinn, mar nach bhfuil ar Ndía ar
measc?
18 Agus go deimhin foileocha misi
mo ghnúis an lá sin, ar son a nuile
olc oibreochuid siad, do chionn gur
iompóigheadar chum Dée oile.
19 Annois ar a nadhbharsin scrío-
bhuidhsi an dánso dhíbh féin, agus múi-
nidh do chloinn Israel é: cuiridh ann
bhur mbhéuluibh é, chor go mbiáidh
an dánsa na fhiadhnuisi agumsa a na-
ghuidh chloinne Israel.
20 Oir a nuáir do bhéara misi don
tír iad, noch do mhionnuigh mé dá
naithribh, atá lán do bhainne agus do
mhil, agus íosuid siad, agus líonfuid
iad féin, agus fhásfuid méaith; ann-
sin iompóchuid chum Dée oile a-
gus foigheonuid dóibh, agus cuir-
fid fearg ormsa, agus brisfid mo chunn-
radh.
21 Agus tiucfa a gcrích a nuair
thuitfios iomadh uilc agus bhuáidhridh
orra, go mbéuruidh an dánsa fiadhnuisi
na naghaidh: óir ní dhearmotar é as
béuluibh a sleachda: óir is aithnid
damhsa a smuaintighe thionnsgnuid siad
a nois fein, suil do bhéara mé a steach
iad don tír do mhionnuigh mé dhóibh.
22 Do scríobh Maóise ar a nadh-
bharsin an chainticsi an lá sin féin, agus
do mhúin do chloinn Israel í.
23 Agus do chuir dualach ar Josua
mhac Nun, agus a dubhairt, bi láidir
béodha: óir bhéara tú clann Israel don
tír do mhionnuigh misi dhóibh, agus
biáidh misi maille riot.
24 Agus táinic a ccrích a núair do
chuir Maóise deireadh le bríathruibh
an dlighesi do scríobhadh a leabhar, no
gur críochnuighuidh iad;
25 Gur aithin Maóise do na Lebhí-
tibh do iomchuir Airc chunartha an
Tighearna, gha rádh.
26 Glac an leabharso an dlighe, a-
gus cuir a ttaobh Airc chunartha do
Thighearna Dé e, chor go mbiáidh sé
ansin mar fhiadhunisi ad aghuidh.
27 Oir atá fios do cheannairrge
agumsa, agus do chruadhmhuinil: féach-
uidh, an fad ataimsi fós am bheathuidh
aguibh a niugh, do bhábhair cogthach
a naghuidh an Tighearna; agus gá
mhéid ní is mó ná sin déis mo bháis?
28 Cruinnighidh chugam sinnsir bhur
ttreabh uile, agus bhur noifigidh, go
labhra mé na bríathrasa iona gcluá-
suibh, agus go ngoiridh mé neamh
agus talumh dfhiaghnuisi na naghaidh.
29 Oir atá fhios agum tar éis m
bháis, go ttrúaillfidhigh sibh féin t
amach, agus go niompochuidhigh
leath taoibh as a tslighe do mhúin
dhibh, agus tuitfidh olc oruibh an
laéthibh deighionacha, do brígh
ndéantáoi olc a bhfiadhnuise an T
ghearna, dá bhrostughadh chum fearg
tré oibreachuibh bhur lámh.
30 Agus do labhair Maoise a ccl
asúibh chomhchruinnigh Israel uile br
thra na canticesi, no gur críochn
gheadh iad.

CAIB. XXXII.

*Caintic Mhaoisi, uma throcaire, & dhíogh-
tais Dé. 48 ó Shliabh Nebo chonnairc
Canáan roimh a bhás.*

Tugaidh éisdeachd ó a fhlaithea-
sa, agus laibheóra misi; agus
a thaluimh bríathra mo bhéil.
2 Fearfuidh mo theagasc mar fhear-
thuinn; silfidh mo ghlór mar dhrúcht,
mar an minfhearthuinn ar an luibh mh-
oith, agus mar na ceatha ar a bhféar.
3 Do chionn go bhfoillseochuidh mé
ainm an Tighearna: cuiridhsi mór-
dhachd a leith ar Ndé.
4 (Seifion) an charruic, atáid a
oibreacha iomlán: óir is breitheamh
a shlighthe uile; Día na fírinne, agus
gan égceart, ceart agus díreach atá
sé.
5 Do thrúailleadar iad féin, a
ibhéim ní hé toibhéim a chloinnesi
atáid na gcineadh mhiochoinghíoll
agus cham.
6 O a dhaóine leamha agus
onna, an marso chúitighidh ris an Ti-
ghearna: nach é hathair é, do cheann-
nuigh thú? nach dearna sé, agus nach
ar dhaingnidh sé thú?
7 Cuimhnigh na seanlaéthe, cuimhnigh
bliaghna gach ginealuigh: fiafruigh dot
athair, agus táisbeonuidh sé dhuit; dot
shinsearuibh, agus inneosuid duit.
8 A núair do rann an té is ro áirde
a nóighreachd do na cineadhachaibh,
a nuair do dhealuigh sé mic Adhaimh,
do shuighidh sé teóronna na ndaoine
do réir uibhre chloinne Israel.
9 Oir is iad a phobal cuid roinn
an Tighearna: Jacob crannchar a oi-
ghreachdasan.
10 Fuáir sé a bhfearan dfhathraimh
é, agus a bhfásach uáigneach uaill-
feartach: agus do theóruigh sé tim-
chioll ē, do theagaisg sé é, do coimhéid
sé é mar ubhall a shúl.
11 Mar chorruighios an tiolar
súas a nead, shotaloigheas ós cionn
a hóg, shíneas amach a sciathán, glac-
uidh iad, iomchruidh iad ar a sci-
thánuibh.

12 Marsin

12 Marsin an Tighearna amháin do
thréoruidh eision, agus ní raibh éaindía
coimhitheach maille ris.
13 Thug sé air marcuigheachd do
dhéanamh ar áitibh árda an domhain,
chor go bhféadfadh toradh na machai-
readh dithe : agus thug sé air mil do
dhiughadh as an gcarruic, agus ola as an
gcarruig chrúaidh.
14 Im bó agus bainne cáorach, maille
ré méathas úan, agus reitheadh do
shíolradh Básan, agus gabhar, maille
ré méathas dubhán na cruithneachda,
agus do ibh tú fuil ghlan na ccáor.
15 Ach do reamhruigh Jesurun agus
do phreab sé : do reamhruidh tusa, do
mhéatuigh tú, atá tu foluighthe ré saill ;
ansin do thréig sé Día do rinne é,
agus do dhímeas carruic a shlánui-
ghthe.
16 Do bhrostuigheadar é chum éada
le déeibh coimhitheacha, le gráineamh-
lachduibh do bhrostuigheadar é chum
feirge.
17 Do íodhbradar do dhiabhluibh, ní
do Dhía ; do dhéeibh nar bhfeas doibh, do
dhéeibh núadha tháinic súas go núadh,
nach raibh a neagla ar bhur naithribh.
18 Ni bhfuil cuimhne agad air an
gcarruic do ghein thú, agus do dhear-
muid tú Día do chúm thú.
19 Agus a núair do chonnáirc an
Tighearna sin, do fhúathuigh sé íad, ar
son broſtuighe a mhac agus a in-
ghean.
20 Agus a dubhairt sé, foileochuidh
mé maghuidh uatha, féachfuidh mé
cread an chríoch bhías orra : óir is
ginealach ró chrosanta íad, clann nach
bhfuil creidiomh ar bith ionta.
21 Do chorruigheadar chum éada mé,
leis an ní nach Día, do bhrostuigheadar
mé chum feirge le na ndiomhaoineas :
agus cuirfe misi éud orrasan ris an
ndroing nach bhfuil na bpobal ; broiste-
ochuidh mé chum feirge íad ré cineadh
amadanta.
22 Oir do hadhnadh teine am fheirg,
agus loiscfidh go hifrionn íochdrach,
loiscfidh an talamh gona thoradh,
agus cuirfidh tré theinidh bunáitigh na
sliabh.
23 Cruachsa mé uilc orra, caithfidh
mé saighde riú.
24 Loisgfighear le hocras íad, agus dío-
bhaithfidhear íad le teas loisgneach agus
lé dibhfheirg roishearbh : cuirfe mé mar
an gcéadna fiacla beathach orra le
neimh naithreach neimhe talmhuidhe.
25 An cloidhiomh amuigh, agus an
chritheagla a stigh, muirfid araon an
duine óg agus an mhaighdion, an naoídhe
mar an gcéadna agus fear na gruáige
léithe.
26 A dubhairt mé go scarfuinn íad
a ccoirnéaluibh, go gcoisgfinn a gco-
imhne ó bheith a measg dhaoine.
27 Muna bheith gurab eagal liom
dioghaltas na námhad, deagla nach
biadh a fhios ag an námhuid, agus
deagla go naibeoraidis, atá ar lámh
féin Láidir, agus ní hé an Tighearna
do rinne so uile.
28 Oir is cineadh gan chomhairle
íad, ní mó atá tuigse ar bith ion-
ta.
29 O, nach bhfuilid siád críonna, go
ttuigfidis so, lé measfaidís a gcríoch
dheighionach.
30 Ciondus do chlaoidhfeadh éandui-
ne amháin míle, agus do chuirfeadh
días deich míle chum teithmhe, muna
reacadh a ccarruic íad, agus an Ti-
ghearna da níaghadh súas?
31 Oir ní bhfuil a ccarruicsion mar
ar ccarruicne, agus bíodh ar naimhde
féin na mbreitheamhnuibh.
32 Oir atá a bhfíneamhuin mar fhí-
neamhuin Shodom, agus mhachaireadh
Ghomorrah ; a ccáora is caora domlais
íad, ataid a ttríopuill searbh.
33 Asé a bhfíon neimh na ndra-
gún, agus neimh mharbhthach na
bhfoileásain.
34 Nach bhfuil so ar na chur a cceist
agumsa, agus ar na shéaladh súas a
measg mionnmhuis.
35 Riomsa bheanas an dioghaltas
agus an luagháir, sleimhneochuidh a
ccos na ham féin : óir atá lá a mbuai-
dheartha a lathair, agus ataid na neithe
thiucfas orra ag déanamh deithnis.
36 Oir do déana an Tighearna brei-
theamhnus air a phobal, agus géabuidh
aithreachus é fa na sheirbhiseachuibh a
núair do chifidh gur imthigh a neart,
agus nach bhfuil éanduine fa íaghadh, no
ar marthuinn dhíobh.
37 Agus déara sé, cáith a bhfuilid a ndée,
a gcarruic ann ar chuiréadar a ndóigh.
38 Noch a dúaigh méathas a níodh-
barta, agus dibh fíon a nofrála dighe ;
éirghidís súas, agus tárthuighedís sibh
agus bidís na ndídean aguibh.
39 Féuchuidh a nois gur misi, misi
féin é agus ní bhfuil Día am fharradh ; is
mé mharbhus, agus is mé ní béo, loitim,
agus leighisim, agus ní mó atá éinneach
fhéadas sáoradh as mo láimh.
40 Oir tógbhuim súas mo lámh chum
neimhe, agus a deirim, Mairse mé go
bráth.
41 Má ghéaruighim mo chloidhiomh
lonnrach, agus go nglacfa mo lámh greim
ar bhreitheamhnus, do dhéana mé diogh-
altas ar mo námhuid, agus do bheur
luáigheachd don droing fhúathuighios
mé.
42 Cuirfe mé mo shaighde ar meisge
lé fuil, agus sluigfidh mo chloidheamh
feóil, agus sin lé fuil na márbh, agus na
bpriosúnach ó thosach an dioghaltais
ar an námhuid.
43 Gáirdighidh ó a chríocha lé na pho-
balsan : óir digheoluidh sé fuil a sher-
bhíseach, agus cúiteochuidh sé dioghal-
tas

tas re na námhuid, agus biáidh sé
grásamhuil da thír, agus dá phobal
féin.
44 Agus táinic Maóise, agus do la-
bhair sé briathra an dánasa uile a
gclúasuibh an pobuil, é féin, agus Josua
mhac Nun.
45 Agus do chuir Maóise deireadh
lé labhairt na mbríatharsa uile re His-
rael.
46 Agus a dubhairt sé ríu, suighidh
bhur ccroidhthe ar na huile bhríath-
raibh do nimsi dfiadhnughadh bhur
measc a niugh, noch aitheontaói da
bhur ccloinn do choimhéad, do dhéa-
namh briathar an dlighesi uile.
47 Oír ni ni díomhaoin duitsi é, do
chionn gur bé do bhéatha é, agus is
leis an ní si fhaideochtha tú do laethe
san dúithche a bhfuil tú ag dul a nonn
tar Jordán da sealbhughadh.
48 Agus do labhair an Tighear-
na re Maóise an lá sin féin, ghá
rádh.
49 Eirigh súas ar a tsliabhso Abarim
go sliabh Nébo, noch atá a bhfearann
Moab atá thall as coinne Jericho, agus
féach tír Chanáain, noch do bheirimse
do chloinn Israel mar sheilbh.
50 Agus fagh bás ansa tslíabh a
tteid tú súas, agus cruinnighthear
a cceann do dhaóine thú, mar déug
Aaron do dhearbhrathair a sliabh Hor,
agus mar do cruinnigheadh a cceann a
dhaóine é.
51 Do chionn gur chórruigheabhairsi
am aghuidhsi a measc chloinne Israel ag
uisgedhibh Mheribah-Cádes a bhfásach
Sin, do chionn nar bheannuigheabhair
misi a meadhón chloinne Israel.
52 Gidheadh do chise tú an dúithche
as do choinne, ach ní racha tú inte, don
dúithche bheirimse do chloinn Is-
rael.

CAIB. XXXIII.

Tiomna Mhaoise ag trachda um mhor-rachd Dé. 6 Bheannachadh an 12 Threabh. 26 Agus oirdhearcus Israel.

AGus si so an bheannachd ler bhean-
nuigh Maóise óglach Dé, clann Is-
rael roimhe a bhás.
2 Agus a dubhairt sé, Thainic an
Tighearna ó Shínai, agus do éirigh
dhóibh súas ó Sheir, do dhealruidh sé
amach ó shliabh Páran, agus thainic
maille le deich míle do náomhuibh: ó
na dheasláimh do chuáidh dligheadh
tinntighe orra.
3 Is eadh do ghrádhuigh tú 'an
pobal, atáid a naóimh uile ad láimh,
agus do shuigheadar síos ag do chos-
uibh: glacfuidh gach éanduine dod
bhríathruibh.
4 Do aithin Maóise dligheadh dhúinn,
eadhon oighreachd chomhchruinnigh
Jácob.
5 Agus do bhí sé na Righ an Jesu-
run a nuáir do chruinnigheadar cinn
an phobail, agus treabha Israel a ccionn
a chéile.
6 Biodh Reuben béo, agus ná
héagadh, agus ná bidh áireamh air a
dhaoinibh.
7 Agus [do ghuidh] an ccéadna do
Júdah, agus a dubhairt, eist a Thighear-
na guth Iúdah, agus tabhair chum a
dhaoine é, go madh lór dhó a lamha,
agus bíse ad chongnamh dhó ó na ná-
mhuid.
8 Agus a dubhairt sé ar son Lébhi,
bíodh dó Thuimim agus Húirim ag
háon náomhtha, noch do dhearbh tú ag
Massah, agus ris ar chrionchaín tú ag
uisgedhibh Mheribah.
9 Noch a dubhairt re na athair, a-
gus re na mháthair, Ní fhaca mé e, ní
mó do admhuigh sé a dhearbhráithre,
agus níor aithin a chlann féin: óir do
choimheadadar do bhríathrasa, agus do
chómhalladar do chunnradh.
10 Múinfid siad do bhreitheamhnuis
do Iácob, agus do dhligheadh Disrael:
cuirfid siad túis as do choinne, a-
gus iodhbuirt iomlán loisge ar hal-
tóra.
11 Beannuigh a Thighearna a mhai-
óin, agus gabh chugad oibreacha a
lámh: buail tré leasrach na druinge
éirghios na aghuidh, agus an luchta
fhúathuighios é ionnus nach éireochaid
a rís.
12 Agus a dubhairt sé ar Bheniamin,
Do dhéana an té is ionmhuin leis
an TTighearna comhnuighe a nda-
ingion na fhochair, agus chúdhco-
chuidh an Tighearna é ar feadh an
laói uile, agus áiteochuidh sé eidir a
ghuáillibh.
13 Agus a dubhairt sé ar Ióseph,
Go madh beannuigh ón TTighearna
bhías a dhúithche do neithibh mór-
luáigh neimhe, don drúchd, agus don
naigéin luighios fhíos,
14 Agus don toradh mórluáigh ber-
thar amách leis an ngréin, agus do na
neithibh mórluáigh do dingeadh amach
leis an ngealuigh,
15 Agus do neithibh úasal na sean-
sliabh, agus do neithibh mórluáigh na
gcnoc mbúan,
16 Agus do neithibh mórluáigh na
talmhan, agus dá iomláine, agus do
dheaghthoil an té do áitreabh ansa dos;
tigeadh an beannughadh ar chionn
Ióseph, agus ar mullach cinn an té do
dealuigheadh ó na dhearbhráithribh.
17 Is cosmhuil a ghlóir ré prime-
dil á bhulóige, agus is cosmhuil a a-
dharca

dharca ré adharcuibh Unicorn : léo sin
bhuailfios sé na daóine a néinfeacht go
críochuibh na talmhan : agus is iad sin
deich míle Ephraím, agus is iad mílte
Mhanasseh iad.
18 Agus a dubhairt sé ar Shebu-
lon, gáirdigh a Shebulon an do dhul
amach, agus Isachar ann do lóis-
tinibh.
19 Goirfid siad na daóine chum an
tsléibhe, annsin ofráilfid ofrála fíreanta :
óir ibhid do líonmhaireachd na fairge,
agus do na hionnmhusuibh atá a bhfolach
san ngaineamh :
20 Agus a dubhairt sé ar son Ghad,
go madh beannuigh an té fhairsingios
Gad ; áitighidh sé amhuil leomhan, agus
brisfe sé an lámh, agus mullach an
chinn.
21 Agus do ghléus sé an chéadchuid dó
féin, do bhrígh gur a roinn an dligh-
theanuigh do fhuigheadh annsin é : agus
tháinic sé maille ré ceannuibh an
phobuil, do chuir sé ceart an Tighearna
a néifeachd agus a bhreitheamhnuis ré
Hisrael.
22 Agus a dubhairt sé ar Dhan, Is
cuileán leómhuin Dan, lingfidh sé ó
Bhasan.
23 Agus a dubhairt sé ar son Naph-
tali, ó a Naphtali, líonta dfabhar, agus
lán do bheannughadh an Tighearna :
sealbhuigh sé shiar, agus theas.
24 Agus a dubhairt sé ar Asser, bíodh
Asser beannuigh a gcloinn : bíodh sé
sóghradhach aga dhearbhráithribh, agus
tumadh sé a chos a nola.
25 Béid do bhróga díarann agus do
phras. agus mar bhías do láethe, is mar
sin bhías do neart.
26 Ní bhfuil áon a ccosamhlachd lé
Dia Jesurun, noch ghluáisios ar neamh
ad chabhair, agus ann a oirdhearcas air
a naéir.
27 Sé an Dia síorruidhe do áit
dídin, agus faói shíos atá sluagh síor-
ruidhe : agus tiomáinfidh sé amach an
námhuid romhad, agus déara sé, marbh
íad.
28 Aitreabhuigh Israel ann sin a
ndaingion na áonar : biaidh tobar Ja-
cob ar fhearann arbha, agus fíona ;
silfidh fós a fhlaitheas drúchd a
nuas.
29 Sona atá tusa a Israel : cía is
cosmhuil leachd, a phobal do tárthuig-
gheadh leis an Tighearna, sciath do
chunganta, noch ar bé cloidhiomh hoir-
dhearcuis ? agus do gheabhthar do
naimhde na mbréaguiribh dhuit, agus
sailteora tú ar a naitibh árda.

CAIB. XXXIV.

*Maoise ar faghail bháis, ó do hadhlaic-
eadh le Dia, agus do chaóineadh leis
an phobal, é.*

AGus do chuáidh Maóise súas ó réiteach
Mhoab go Sliabh Nébo go mullach
Pisgah atá thall as coinne Jericho, agus
do tháisbéin an Tighearna tír Ghilead
uile dhó go nuige Dan.
2 Agus Naphtali uile, agus tír
Ephraim, agus Mhanasseh, agus tír
Judah uile gus an bhfairge is faide a-
mach.
3 Agus an taobh ó dheas, agus réiteach
ghlinne Jericho, cathair na gcrann
pailme go nuige Soar.
4 Agus a dubhairt an Tighearna ris,
si so an dúithche do mhionnuigh misi
do Abraham, do Isaac, agus do Jácob,
ghá radh, do bhéara mé so dot shliochd :
thug mé ortsa a faicsin, ach ní racha
tú inte anonn.
5 Mar sin fuáir Maóise searbhsó-
ghantuigh an Tighearna bás ann sin a
ttír Mhoab do réir bhreithre an Tigh-
earna.
6 Agus do adhluic sé é a ngleann a
ttír Mhoab, thall as coinne Bhetpeor,
ach ní bhfuil fios a thúma ag éanduine
gus a niugh.
7 Agus do bhí Maóisi céad agus fith-
che bliaghan daóis an tan fuáir sé bás :
ní raibh a shúil dall, nó a neart na-
dúrtha laghduighthe.
8 Agus do ghuileadar clann Israel
ar son Mhaóisi a réiteach Mhoab trío-
chad lá ; mar sin do críochnuigheadh
laéthe gola agus caóinte ar son Mha-
óise.
9 Agus do bhí Josua mhac Nun líon-
ta do spioruid an ghliocuis ; óir do
leag Maóisi a lámha air : agus do umh-
luigheadar clann Israel dó, agus do rin-
neadar mar do aithin an Tighearna do
Mhaóise.
10 Agus níor éirigh fáigh ó shoin
a 'Nisrael cosmhuil re Maóisi, noch
dob aithne don Tighearna aghuidh ar
aghuidh.
11 Ann sna huile chomharthuibh, agus
iongantuibh dar chuir an Tighearna é
dá ndéanamh a gcrích na Hégipte a na-
ghuidh Pháraó, agus a naghuidh a sher-
bhíseach uile, agus a dhúithche uile.
12 Agus annsa laimh láidirsin, a-
gus annsa chriothnughadh mhór uile,
do thaisbéin Maóisi a radharc Israel
uile.

LEABHAR JOSUA.

CAIB. I.

Do ainmnigh, 2 agus do ſhocruigh Dia Joſua a nionaid Mhaoiſi. 8 agus do theagaiſg a dhleaſdannas dó.

ANnois tar éis bháis Mhaóiſe ſheir-
bhiſigh an Tighearna, tarla ann
gur labhair an Tighearna re Joſua mhac
Nun óglach Mhaóiſe, ghá rádh.
2 Deug Maóiſe mo ſherbhíſeach, a
nois ar nadhbhar ſin éirigh, imthigh a
nonn tar an Iordáinſe, thú féin agus an
pobalſa uile don tír do bheirimſe dhóibh,
eadhon do chloinn Iſrael.
3 Gach uile bhall air a ſailteoraidh,
bonn bhur ccoiſe, thug mé ſin dáoibh,
mar a dubhairt mé ré Maóiſe.
4 On nfáſaſach, agus ón lebanonſa
go nuige a nabhuinn mhóir ſruth Eu-
phrátes, iomlán fhearainn na Hiti-
teach, agus go nuige a nfairge mhóir
leath ré dul faoi na gréine, budh é bhur
ttéora.
5 Ní fhéadfuidh éanduine ſeaſamh ad
aghuidh ar feadh láethe do bheatha:
mar do bhí mé lé Maóiſe, is mar ſin
bhías mé leachdſa: ní fhailleocha mé
ort, ní mò thréigfios mé thú.
6 Bí láidir, agus lánchródha, óir
roinnſe tú ar an bpobalſa mar oigh-
reachd, an fearann do gheall mé dá
naithribh do thabhairt dóibh.
7 Amhain biſi láidir, agus rocha-
rata, chor go gcoimhéadſa tú do dhéa-
namh do réir an dlighe uile noch do
aithin mo ſherbhíſeach Maóiſe dhiot, na
hiompóigh uadh ar an láimh dheis nó
chlé, chor go mbía tú ſona gidh bé ar
bith áit a racha tú.
8 Ní dhealochuidh an lebharſa an
dlighe red bhéul, achd biáidh tú ag
ſmuáinead ann do ló agus doidhche, chor
go ttiubhra thú haire do nuile ní da
bhfuil ann, do dhéanamh: óir ann ſin
do dhéana tú do ſhlighe ſuthuin, agus
éireochuidh leachd go maith annſin.
9 Nach ar aithin miſi dhiot? bí
láidir, agus láin bhéodha, ná bíodh eag-
la ort, agus ná bí meata: óir áta do
Thighearna Día maille leachd gidh bé
áit a racha tú.
10 Ann ſin do aithin Joſua do oifigea-
chuibh an phoball, dhá radh.
11 Eírgidhe ar feadh an tſlóigh, dhá
rádh: ullmhuighidh lónn daóibh fein:
óir fa chionn thrí lá rachthaói a nonn
tar an Jordanſa, do dhul do ſhealbhú-
ghadh na tíre do bheir bhur Ttigh-
earna Día dhaóibh re na ſhealbhughadh
mar oighreachd.
12 Agus do labhair Joſua ris na Reu-
binítibh, agus ris na Gadítibh agus re
leiththreibh Mhanaſſeh, dhá rádh:
13 Cuimhnighidh na bríathra do
aithin Maóiſe óglach an Tighearna
dhíbh, ghá radh, thug bhur Ttighearna
Día ſuáimhnios daóibh, agús thug ſé an
dúithche ſo dhíbh.
14 Fanſuid bhur mná, bhur ndaóine
beaga, agus bhur náirnéis anſa dúith-
che thug Maóiſe dhíbh, don táobhſo
do Iordan: ach rachthaoi féin thairis
armtha roimhe bhur ndearbhráithribh,
gach a bhfuil láidir aguibh, agus cuideoch-
tháoi léo.
15 Nó go ttuga an Tighearna ſuaimh-
neas da bhur ndearbhraithribh mar thug
ſé dhíbhſi, águs go ſealbhuighidſion mar
an gcéadna an tír bheir bhur Ttighear-
na Día dhóibh; annſin fillfidhe da bhur
bhfearann ſealbha, noch thug Maóiſe
óglach an Tighearna dhíbh don táobhſi
do Iordan leath ré heírghe greine, agus
bíáidh aguibh mar oighreachd.
16 Agus do fhreagradarſan Joſua, ghá
rádh, a nuile ní aitheonus tuſa dhínn, do
dhéanam é, agus gidh bé ait a gcuirfe
tú ſinn racham ann.
17 Do réir mar do éiſteamar re Ma-
oiſe ann ſna huile neithibh, mar ſin
uimhleocham dhuitſi: amháin go mbía
do Thighearna Día leachdſa, mar do
bhí ſé lé Máoiſe.
18 Gidh bé chuirfios a naghuidh hai-
thneſi, agus nach éiſtſe ré do bhríath-
ruibh an gach éinní aitheonus tú dhé,
cuirfighear chum báis é: amháin bí
láidir, agus deighmheiſnigh.

CAIB. II.

Cineultas Rabab ann Jerichó, ris an lucht bratha. 23. Freagra ſna nteachdaireachd.

AGus do chuir Joſua mhac Nun dias
fear amach as Sitim do bhrath go
ſecreideach, gá rádh, éirgidhe, meaſuidh
an dúithche, eadhon Jericho: agus do
imthigheadar, agus tangadar go tigh
meirdrigh dar bhainm Rahab, agus do
fhoſadar ann ſin.
2 Agus do hinnſeadh do Righ Jericho
dhá rádh, feach, tangadar daoine annſo
ó chlainn Iſrael do bhrath na tíre.

3 Agus do chuir Rígh Jericho fios chum
Rahab, ghá radh, tabhair amach na
dáoine tháinic chugad, noch do chúaidh
a steach ann do thigh, óir is do bhrath
na tíre uile thangadar.
4 Agus do ghlac an bhean an días
fear, agus dfoluigh sí iad, agus a
dubhairt marso; Tangadar dáoine chu-
gamhsa, ach ní eidir mé cá has
dóibh.
5 Agus fa am druite an gheata,
ansa dorchadas dimthigheadar na fir-
sin amach, agus ní fios damhsa cáit a
a neachadar na firsin ; cuiridh tó-
ruigheachd orra go lúath, óir béarthaoi
orra.
6 Ach rug sisi suas a mullach an tighe
iad, agus do fholuigh iad lé loirgnibh
lín, noch do leag sí a nordughadh air
mhullach an tighe.
7 Agus do leanadar na dáoine na
ndiaigh annsa tslighe, go Jordan go
nuige na háthanna, agus ar ball ar
imthigheadar an mhuintirsin do bhí dhá
lorg amach, do dhruideadar an geata.
8 Agus súil do luigheadar síos annsa
ccathruigh, tháinic sisi súas chuca ar
mhullach an tighe.
9 Agus a dubhairt ris na dáoinibh,
Atá a fhios agum go ttug an Tighearna
an tír dhíbh, agus gur thuit bhur nuamhan
oruinn, agus gur lagadh dúthchusaigh na
tíre air bhur son.
10 Oir do chúalamar mar do thior-
maigh an Tighearna uisge na mara
ruaidhe romhuibh a nuair thangabhair
amach as an Négipt, agus mar do rin-
neabhair ré dhá Rígh na Namoríteach,
do bhí don táobh oile do Jordan, Sihon
agus Og, noch do sgriosabhair go
hiomlán.
11 Agus ar ball a gcúalamar na
neithesi, do leaghadh ar gcroidhthe,
agus níor fhan ní is mó do bheódhachd
a náonduine ar bhur sonsa: óir sé bhur
Ttighearna Día is Día ar neamh shúas
agus ar talamh shíos.
12 Annois ar a nadhbharsin guidhim
sibh, tugaidh bhur mionna dhamhsa fan
Ttighearna, ó thaisbén mé cinéul dáoibh,
go ttaisbéantáoisi mar sin cinéul do thigh
matharsa; agus comhartha fíre do
thabhairt damh :
13 Agus go ccuimhdeochthaoi máthair
béo, agus mo mhathair, agus mo dhear-
bhraithre, agus mo dheirbhsheathracha,
agus gach éinní dá bhfuil aca, agus go
saorfuidhe ar mbeatha ó bhás.
14 Agus do fhreagradar na dáoine í,
ar nanum ar bhur sonsa muna bhfoillsi-
ghidh tú na gnothuighesi àguinn: agus is
amhluidh bhías a nuair bhéaras an Ti-
ghearna an dúithche dhúinn go ndéanum
go cinéulta fírinneach riotsa.
15 Ann sin do léig sí a nías iad lé
téad thríd an bhfuinneóig : óir is ar
bhalla an bhaile do bhí a tigh, agus do
áitribh sí ar an mballa.
16 Agus a dubhairt sí riú, eirgidhe
fan tsliabh deagla go tteigeomhadh, na
lorgaireadh ribh, agus folchuidh sibh
féin trí lá ann sin, nó go bhfillidh an
toír, agus na dhiaigh sin féadthaoi im-
theachd romhuibh.
17 Agus a dubhradar na dáoine ría,
béimne nemhchionntach ansna mion-
nuibhsi thug tusa oruinn.
18 Féach a núair thiocfam don tír,
ceingeola tusa an reabog shnáithe
scárláoidesi ansa bhfuinneóig tre ar léig
tú sinne síos, agus do bhéara tú hathair,
agus do mhathair, agus do dhearbhra-
ithre, agus muintir tighe hathar uile a
steach chugad.
19 Agus iseadh bhías de, gidh bé
rachus amach as doirsibh do thighe fan
tsráid, biáidh a fhuil ar a chionn féin,
agus béimne neimhchiontach : agus gidh
bé bhías ad fhochairse ann sa tigh, biaidh
a fhuil air ar gceanne, má bheanann
lámh dhuine ris.
20 Agus má fhoillsighionn tú ar
ngnothuidhne annso; annsin biam saór
ód mhionnuibh thug tú oruinn do tha-
bhairt.
21 Agus a dubhairt sisi, do reir
bhur mbríathar bíodh sé mar sin; agus
do chuir sí air siubhal iad, agus do
cheangail sí an corda scárláoide san
bhfuinneóig.
22 Agus do imthigheadarsan, agus tan-
gadar fan tsliabh, agus do fhanadar ann
sin trí lá no gur fhilleadar na lorgai-
ridh, agus do iarradar na lorgairidh iad
ar feadh na slígheadh, ach ní fhuára-
dar iad.
23 Ann sin do fhilleadar an días fear,
agus do thuirlingeadar don tsliabh, agus
do chúadar thairis, agus tangadar go
Josua mac Nun, agus dinnisadar dhó
gach éinní dá ttárla dhóibh.
24 Agus a dubhradar re Josua, go
deimhin thug an Tighearna an tír uile
ionar lamhuibh; óir atáid na dúthchu-
suidh uile ag dul a nanbhfainne re eagla
romhuinn.

CAIB. III.

Uisgighe Jordan ar ngearradh ó cheile go mirbhuilteach, do chuadar clanna Israel a nonn ar talamh tirim.

AGus do eirigh Josua go moch ar
maidin, agus do áthruigheadar as
Sitim, agus tangadar go Jordan, é féin
agus clann Israel uile, agus do fhosadar
annsin súil do chúadar thairis.
2 Agus tárla a gcionn thrí lá,
go ndeachadar na hoifigidh ar feadh an
tslúaigh.
3 Agus do fhreagradar don pho-
bal, gha rádh, a núair chifidhe Airc
chunartha bhur Ttighearna Dé agus na
Sagairt Lebhiteach gá hiomchar, an-
sin

ſin àthrochuidhe as bhur náit, agus
rachdáoi na diaigh.
4 Gidheadh biaidh ſpás eadruibh féin
agus í, timchioll dhá mhíle cubhad do
thomhas: nà tigidh laímh riá, chor go
mbiaidh fios na ſligheadh aguibh íona
ccaithfidhe gabháil: óir níor ghabha-
bhair an tſlighesi roimhe ſo.
5 Agus a dubhairt Joſua ris an bpo-
bal, Náomuigh ſibh féin, óir do dhéana
an Tighearna ionganta bhur meaſc a
márach.
6 Agus do labhair Joſua ris na ſagar-
tuibh, ghá radh, tóghbuidh ſúas Aírc an
chunnartha, agus éirghidhe thairis roi-
mhe an bpobal; agus do thógbhadar
Aírc an chunnartha ſúas, agus do chúa-
dar roimhe an bpobal.
7 Agus a dubhairt an Tighearna
ré Joſua, A niugh thoiſeochus mé ar
thuſa oirdherceadh a meaſg Iſrael
uile, chor go mbía a fhios aca mar do
bhí mé le Maóiſe go mbía mé mar ſin
leachdſa.
8 Agus aitheona tú do na ſagar-
tuibh iomchras Airć an chunartha, ga
rádh, a núair thiucfuidhe go brúach
uiſge Iordan, ſeasfuidhe bhur ccomh-
nuighe an Jordan.
9 Agus a dubhairt Joſua re cloinn Iſ-
rael, tigidh uile agus éiſtigh bríathra bhur
Ttighearna Dé.
10 Agus a dubhairt Ioſua, is leis
ſo aitheantáoi go bhfuil an Día beó
bhur meaſc, agus go tteilgfe ſé amach
gan fhaillighe na Cananítigh, agus na
Hititigh, agus na Hibhitigh, agus na
Periſitigh, agus na Girgaſitigh, agus
na Hamorítigh, agus na Iebuſí-
tigh.
11 Féachuidh, teid Airc chunartha
Thighearna an domhuin uile romhuibh
a nonn tar Iordan.
12 Annois ar a nadhbharſin tugaidh
dha fhear dhéug amach as treabhuibh
Iſrael, fear as gach éintreibh.
13 Agus tiocfaidh a ccrích ar ball
a ccuirfid na ſagairt iomchras Aírc
an Tighearna, Tighearna na talmhan
uile, boinn a ccos a nuiſgidhibh Ior-
dan, go ngearrſuighear uiſgidhe Iordan
ó na huiſgidhibh thig a núas as a náit
fhúas, agus ſeasfuid na gcarn ar a
chéile.
14 Agus tárla a nuáir do áthruighea-
dar an pobal ó na loiſtínibh do dhul
tar Iordan, agus na ſagairt ag iom-
char Airce an chunartha roimhe an
bpobal;
15 Agus ar tteachd don luchd do
iomchuir a Náirc go Iordan, agus ar
ttumadh cos na ſagart do iomchuir an
Náirc a mbrúach a nuiſge, (óir tui-
lighidh Iordán a bhruacha uile feadh
aimſire an fhoghmhair.)
16 Gur ſheaſadar na huiſgidhe
tháinic a núas ó náit ſhúas, agus
gur éirigh ſúas na chârn go ro ſha-
da ón chathruigh Adam ata ré taobh
Sarétan: ach gur ſhailligheadar íad ſin
tháinic a núas leath ré fairge an réi-
tigh, a nfairge ſhaillte, agus gur gear-
radh amach íad: agus go ndeachadar
an pobal a nonn go díreach as coinne
Iericho.
17 Agus gur ſheaſadar na ſagairt do
iomchuir Aírc chunartha an Tighearna,
daingean ar talamh tirim, a lár Ior-
dan, agus go ndeachadar clanna Iſrael
uile thairis air talumh tirim, nó go
ndeachadar an pobal uile go hiomlán
tar Iordan.

CAIB. IV.

Do thogbhadar clocha-cuimhne ar mhíorbhuilibh Dé, as lár Iordan.

AGus tárla a nuáir do chuáidh an po-
bal uile go hiomlán tar Iordan,
gur labhair an Tighearna re Ioſua, dha
radh.
2 Glacſa tú dhá fhear dhéag as an
bpobal, fear as gach éaintreibh.
3 Agus aithin díobh, ghá rádh, be-
iridhſi libh as ſo as lár Iordan, as a
náit ar ſheaſadar coſa na ſagart dá
chloich dhéag, agus béarthaói libh a
nonn íad, agus fágfuidh íad ſan náit a
mbéid na loiſtinídhe a nochd.
4 Ann ſin do ghoir Ioſua an dá fhear
dhéag, noch do órduigh ſé do chloinn
Iſrael, fear as gach éantreibh.
5 Agus a dubhairt Ioſua ríu, éir-
gidhe thairis roimhe Aírc bhur Tigh-
earna Dé go meadhon Iordan, agus tóg-
bhuidh ſúas gach éanduine aguibh cloch
ar a ghúaluinn, do reir uibhre threabh
chloinne Iſrael:
6 Ionnus go mbiáidh ſo na chomhar-
tha aguibh, ionnus a nuair fhiafrochuid
bhur cclann dá naithribh annſa naimſir
thiocfas, gha rádh, cread is ciall daóibh
an ſna clochuibhſi?
7 Ann ſin freagorthaói dhóibh gurob
iad uiſgidhe Iordan do gearradh amach
roimhe Aírc chunartha an Tighearna,
a nuáir do chuaidh tar Iordan, gur gear-
radh uiſgidhe Iordan: agus béid na
clochaſa mar chuimhne do chloinn Iſ-
rael go bráth.
8 Agus do rinneadar clann Iſrael
mar do aithin Ioſua dhíobh, agus do
thogbhadar ſúas dhá chloich dhéag a
lár Iordan, mar a dubhairt an Ti-
ghearna re Ioſua do réir uibhre threabh
chloinne Iſrael,, agus rugadar leó
a nonn íad gus a náit ar fhoſadar
agus do léigeadar ar lár ann ſin
íad.
9 Agus do chuir Ioſua dhá chloich
dhéag na ſeaſamh a lár Iordan ſan náit
ar ſheaſadar coſa na ſagart do iom-
chuir Airc an chunartha: agus atáid
anſin gus a niugh.

10 Oir do ſheaſadar na ſagairt do iomchuir a Náirc a lár Jordan nó gur críochnuigheadh gach éinní dar aithin an Tighearna do Joſua do labhairt ris an bpobal, agus do réir a nuile neithe dar aithin Maóiſe do Joſua: agus do rinneadar an pobal deithfir, agus do chûadar thairis.

11 Agus tárla a núair do chûadar cách uile go hiomlán a nonn, go ndeachuidh Airc an Tighearna thairis, agus na ſagairt a bhfiaghnuiſi an phobuil.

12 Agus do chûadar Clann Reùben agus Clann Ghad, agus leath threibhe Mhanaſſeh armtha thairis roimhe chloinn Iſrael, mar do labhair Máoiſe riú:

13 Timchioll cheathrachad míl, ullamh chum cogaidh do chuaidh thairis roimhe an Ttighearna chum catha go réitéach Jericho.

14 Anſa ló ſin do méaduigh an Tighearna Joſua a radharc Iſrael uile: agus do bhí eagla aca roimhe, mar do bhí roimhe Mhaóiſe ar feadh laéthe a bheatha.

15 Agus do labhair an Tighearna re Joſua, ghá rádh,

16 Aithin do na ſagartuibh iomchras Airc na fiadhnuiſi, go ttigdis ſúas as Jordan.

17 Do aithin Joſua uiméſin do na ſagartuibh, ghá rádh, tigidh a nios as Jordan.

18 Agus tárla a núair thangadar na ſagairt ſúas noch diomchuir Airc chunnartha an Tighearna as lár Jordan, agus ar éirgheadar buinn chos na ſagart ſúas ar talamh tirim, gur fhilleadar uiſgidhe Jordan ann a náit féin, agus gur thuiligheadar tar a brúachuibh uile, mar do rinneadar roimhe.

19 Agus tangadar an pobal ſúas as Jordan an deachmhadh lá don chédmhí, agus do rinneadar foſlungphort ann Gilgal anſa nimeal ſhoir do Jericho.

20 Agus do chuir Joſua na ſeaſamh a Ngilgal an dá chloich dhéugſo rugadar léo as Jordan.

21 Agus dó labhair ſé ré cloinn Iſrael, ghá rádh, a nuair fhiafrochuid bhur gclann dá naithribh ſan naimſir atá teachd, ghá rádh, Cread is cíall do na clochuibhſi?

22 Annſin do bhéarthaoi a fhios dhá bhur ccloinn, ghá rádh, tháinic Iſrael a nall tar an Jordanſo ar thalamh tirim.

23 Oir do thiormuigh bhur Ttighearna Día uiſgidhe Jordan romhuibhſi, nó go ndeachabhair thairis, amhuil do rinne bhur Ttighearna Día ris an muir rúaidh noch do thiormuidh ſé romhuinn, no go ndeachamar thairis.

24 Iondus go mbía a fhios ag dáoinibh an domhúin uile, go bhfuil lámh an Tighearna láidir, chor go mbiadh eagla bhur Ttighearna Dé go bráth oruibh.

CAIB. V.

Do athnuaghuidheadh an Timchiollghearradh. 10. *Do choimheadadar an Cháiſg ag Gilgal.* 12. *Do ſcuir an Manna.*

AGus tárla a núair do chúaladar uile Righthe na Namoriteach do bhí ré taobh Jordan don táobh ſhíar, agus uile Righthe na Gcananíteach do bhí láimh ris an bhfairge, gur thiurmuigh an Tighearna uiſgidhe Jordan ſúas roimhe chloinn Iſrael, nó go ndeachamar thairis, gur Leaghaidh a ccroidhe, agus nach raibh ſpiorad ionta ni bhus mo, tre eagla chloinne Iſrael.

2 Anſa namſin a dubhairt an Tighearna re Joſua, déana ſceana géara dhuit féin, agus timchillgheárr clann Iſrael a rís an dara huáir.

3 Agus do rinne Joſua ſceana géara dhó fein, agus do thimchillgheárr ſé clann Iſrael ar chnoc an rémhchroicinn.

4 Agus ſé ſo an tadhbhar as ar thimchillgheárr Joſua: fúaradar an pobal uile tháinic as an Négipt, noch do bhí feardha, eadhon na fir chogaidh uile, bás ſan bhfáſach ar a tſlighe, mar thangadar amach as an Négipt.

5 Annois an mhéid dáoine tháinic amach do timchillghearradh íad, achd an mhéid dáoine rugadh ſan bhfáſach ar a tſlighe mar thangadar amach as an Négipt, níor thimchillghearradar íad ſin.

6 Oír do ſhiubhluigheadar clann Iſrael ſan bhfáſach ceathrachad bliadhan, nó gur éugadar uile an luchd cogaidh tháinic amach as an Négipt, do chionn nár umhluigheadar do ghuth an Tighearna: da ttug an Tighearna mionna nach ttaisbéanfadh ſé dhoibh an fearann noch do mhionnuigh an Tighearna dá naithribh, go ttiubhradh ſé dhuinn dúithche, noch thuiltighios lé bainne agus lé mil.

7 Agus a cclann, noch do thóg ſé ſúas na náit, do thimchillghéarr Joſua íad: òir do bhádar gan timchillghearradh, do chionn nar thimchillghearradair íad ar a tſlighe.

8 Agus tárla a núair do chríocnuigheadar an timchillghearradh ar an bpobal uile, gur fhanadar ar a náitibh anſa ccampa nó go rabhadar ſlán.

9 Agus a dubhairt an Tighearna re Joſua, Anſa lóſo do thiomáin mé míochlú na Hégipte úaibh: uime ſin goirthear ainm na háiteſin Gilgal gus a niugh.

10 Agus

10 Agus do champuigheadar clann
Israel a Ngilgal, agus do coimh-
éadadar án Cháisg ar an cceathra-
mhadh lá déag don mhí um nóin a rei-
teach Jericho.
11 Agus a dúadar do sheanarbhar na
tire ar na mhárach déis na Cásg, arán
gan loibhín, agus arbhar cruaidhte ansa
ló chéadnasin.
12 Agus do sguir an Manna ar na
mhárach ar itheadar seanarbhar na tíre,
agus ni raibh Manna ní is mó ag cloinn
Israel, ach ditheadar do thoradh thire
Cánaain an bhliadhain sin.
13 Agus tárla a núair do bhí Josua ag
Jericho, gur thog a shúile súas, agus gur
amhairc, agus feach do sheas duine thall
as a choinne gon a chloidheamh nochd-
uigh iona láimh, agus do chuaidh Josua
mar a raibh sé, agus a dubhairt ris, Ann
air ar soinne atá tusa, nó ar son ar
námhad?
14 Agus a dubhairt seision, Ní
headh, achd mar chaiptín do shlúagh
an Tighearna tháinic mé a nois; agus
do thuit Josua ar a aghaidh, agus do
rinne adhra dhó, agus a dubhairt sé
ris, cred a deir mo Thighearna re na
óglach?
15 Agus a dubhairt caiptin shlóigh an
Tighearna re Josua, scáoil do bhróg dot
chois, óir is naomhtha a náit iona bhfuil
tú ad sheasamh: agus do rinne Josua
mar sin.

CAIB. VI.

Do theagaisc Dia (ceann na barmoilte) Josua ar Jericho do ghlacadh. 20 *Thuit a balladha gu mirbhuilteach.*

ANois do híaghadh Jericho suas go
daingion air eagla chloinne Israel:
ní rachadh éanduine amach, agus ní
thiagh éanduine a steach.
2 Agus a dubhairt an Tighearna re
Josua, féuch, thug mé Jericho ad láimh,
agus a Righ, agus a dáoine curata a
ngaisgidh.
3 Agus timcheoltaoi an chathair,
sibhsi a luchd cogaidh uile, agus eirgidh
timchiolll na caithreach éanuair amháin:
Do dhéana tú mar so sé lá.
4 Agus iomchoruid móirsheasar sagart
seachd ttrumpuidhe dadharcuibh rei-
theadh roimhe a Náirc, & ar an seachd-
mhadh lá timcheoltaoi an chathair
seachd núaire, agus seidfid na sagairt na
trumpuidhe.
5 Agus tiucfuidh a ccrích a núair do
dhéanuid fúaim fhada le hadhairc an
reithe, agus a núair chluinfid fuáim an
stuic, gáirfid an pobal uile lé gáir
mhóir, agus tuitfid balluidhe na caith-
reach síos go lár, agus rachuidh an po-
bal suas, gach éanduine ar aghuidh go
díreach.
6 Agus do ghoir Josua mhac Nun
na Sagairt, agus a dubhairt riú, tog-
bhuidh súas Airc an chunartha, agus
iomchraidís móirsheisear Sagart seachd
stuic dadharcuibh reitheadh roimhe
Airc an Tighearna.
7 Agus a dubhairt sé ris an
bpobal, gluáisigh romhuibh, agus tim-
chiolllthaoi an chathair, agus imthigheadh
an té atá armtha roimhe Airc an Ti-
ghearna.
8 Agus tárla a núair do labhair
Josua ris an bpobal, gur ghluaisiodar
an móirsheisear Sagart ag iomchar na
stoc dadharcuibh reitheadh roimhe
an TTighearna, agus do shéideadar,
agus do lean Airc chunnartha an Ti-
ghearna íad.
9 Agus do chúadar na daoine
armtha roimhe na sagartuibh, noch do
shéid na stuic, agus táinig a ndeireadh
a ndiáigh na Hairce, [na sagairt] ag
dul ar a naghuidh, agus ag séideadh na
stoc.
10 Agus do aithin Josua don phobal
dá rádh, na déanuidh gáir ná torann ar
bith lé bhur nguth, agus ná tigeadh
éanfhocal as bhur mbéul nó go tú an lá
a naibéora misi ribh gáireadh, an sin
gáirfidhe.
11 Marsin do thimchill Airc an Ti-
ghearna an chathair ag dul na tim-
chioll éanuair amháin, agus tangadar
don champa, agus do fhosadar ansa
ccampa.
12 Agus do éirigh Josua go mochar
maidin, agus do thògbhadar na sagairt
Airc an Tighearna súas.
13 Agus do imthigheadar móirsheisear
sagart ag iomchar sheachd stoc dadh-
arcuibh reitheadh roimhe Airc an Tigh-
earna ar a naghuidh a ccomhnuidhe, agus
do sheideadar na stuic, agus na daoine
armtha ag imtheachd rompa, ach tan-
gadar a ndeireadh a ndiáigh Airce an
Tighearna, (na sagairt) ag gabháil
rompa, agus ag séideadh na stoc.
14 Agus an dara lá do thimchiolladar
an chathair éanúair amhain, agus do
fhilleadair chum an champa: do rin-
neadar mar sin sé lá.
15 Agus tárla ar an seachdmhadh
lá gur éirgheadar go moch timchioll
scartha an láoi, agus gur thimchilleadar
an chathair ar an modh céadna seachd
núaire.
16 Agus tárla ar an seachdmhadh
húair an tan do shéideadar na sagairt na
stuic, go ndubhairt Josua ris an bpobal,
Gáiridh, óir thug an Tighearna an cha-
thair dhibh.
17 Agus biáidh an chathair móidighthe,
í féin agus a bhfuil inte, don Tighear-
na: amhain mairfidh Rahab an mhéir-
dreach, í féin agus a bhfuil na fochair
sa tigh, do bhrigh gur fholuigh sí na
teachda do chuireamar uáinn.

18 Agus

18 Agus ar gach uile chor coimhéadoighſi ſibh féin ar éainni móidighthe, deagla go ndeanadh ſibh ſibh féin malluigh a nuáir ghlacfuidhe an ní mhalluigh, agus go ndéanadh ſibh mallughadh do champa Iſrael, agus go mbúaidheorthaoi é.

19 Achd a nuile airgiod agus ór, agus ſoighthighe práis, agus íaruinn, ataid coiſrigthe don Thighearna: tiucfaid a nionnmhus an Tighearna.

20 Marſin do ghaireadar an pobal a núair do ſhéideadar na ſagairt na ſtuic: agus tárla a núair do chúaladar an pobal fúaim an ſtuic, agus do gháireadar an pobal lé gháir mhóir, gur thuit an balla ſios ar lár, ionnus go ndeachuidh an pobal ſúas don chathruigh gach éanduine ar aghaidh, agus do ghabhadar an chathair.

21 Agus do ſcrioſadar go huilidhe an mhéid do bhí ſa gcathruigh, idir fhior agus mhnáoi, óg agus ſhean, dhamh agus chaoirigh, agus aſſal, lé fáobhar an chloidhimh.

22 Achd a dubhairt Joſua ris an ndís fear do chuáidh do bhrath na tíre, éirgidhe go tigh na meirdrigh, agus tugaidh amach as ſin an bhean agus a nuile ní dá bhfuil aice, mar do mhionnuigheabhair dhi.

23 Agus do chuadar na hóganuigh do bhí na luchd brathá a ſteach, agus tugadar Rahab amach agus a hathair agus a mathair, agus a dearbhraithre, agus a raibh aice uile, agus tugadar a gáol uile amach, agus dfágbhadar taobh amuich do champa Iſrael iad.

24 Agus do loiſgeadar an chathair le teinidh, agus a nuile ní dá raibh inte: amháin do chuireadar an tairgiod, agus an tór, agus na ſoithighe práis agus íaruinn a nionmhus thighe an Tighearna.

25 Agus dó chumhdaigh Joſua Rahab an mheirdreach béo, agus muintir tighe hathar, agus a raibh aice uile, agus áitreabhuigh ſí an Iſrael gus a niugh, do chionn gur fholuigh ſí na teachda do chuir Joſua do bhrath Jericho.

26 Agus do chuir Joſua do mhóighdibh orra ſan namſin, gá rádh, Go madh malluigh a bhfiaghnuiſi an Tighearna an duine éireochas, agus chuirfios an chathairſe Jericho ſúas: ann a chéidghin leacfus ſé a bunáit, agus iona mhac is óige chuirfeas ſé a geatadh ſúas.

27 Mar ſin do bhí an Tighearna re Joſua, agus do chuáidh a chlú ar feadh na críche uile.

CAIB. VII.

Do ſmachduigheadh an pobal arſon Achan, neach do ghlac don ní móidighthe. 24 Díoghail Achan a ngleann Achor.

ACh do rinneadar clann Iſrael ſárughadh anſa ní móidighthe; óir do ghlac Achan mhac Carmi, mhic Zabdi, mhic Serah do threibh Júdah don ní mhóidighthe, agus do hádhnah fearg an Tighearna a naghaidh chloinne Iſrael.

2 Agus do chuir Joſua daóine ó Jericho go Hai, noch atá ré táobh Bhet-abhen táobh ſhoir do Bhetel, agus do labhair riú, dhá rádh, éirgidhe ſúas agus braithidh an tír: agus do chúadar na daóine ſúas agus do bhrathadar Ai:

3 Agus do fhilleadar go Joſua, agus a dubhradar ris, ná héirgidís na daóine uile ſúas, ach léig a ttimchioll dhá mhíle nó trí míle fear dul ſúas, agus buáiledis Ai, agus ná cuir ſaothar ar na daoinibh uile dul ann, óir ní bhfuilid achd beagán.

4 Marſin do chuáidh don phobal ſúas anſin timchioll thrí míle, agus do theitheadar roimhe mhuintir Ai.

5 Agus do bhuáileadar muintir Ai dhíobh timchioll thríochad agus ſheiſear fear, óir do ruagadair íad on gheata air fad go Sebarim, agus do bhuáileadar íad ann na ndul le fánuigh: air a nadhbharſin do leaghad croidhthe an phobail, agus tangadar chum a bheith amhuil uiſge.

6 Agus do ſtiall Joſua a éadach, agus do thuit chum talmhan ar a aghaidh as coinne Airce an Tighearna go tráthnóna, é féin agus ſinnſir Iſrael, agus do chuireadar luáithreadh ar a gceannuibh.

7 Agus a dubhairt Joſua Uch a Thighearna Día, cred fá ttug tú an pobalſo ar éanchor a nall tar Jordan dár feachadadh a láimh na Namoríteach dar ſcrios? do bfearr linn go mbeimis deóntach fuireach ar an ttáobh thall do Jordan.

8 O a Thighearna, cred a déara miſi a nuáir iompoighios Iſrael a ndruim roimhe a námhuid!

9 Oir cluinfid na Cánanítigh, agus dúthchuſuigh na tíre é, agus tiocfuid ar ttimchioll ſa gcuairt, agus gearrfuid ar nainm amach don talamh: agus cred dhéanas tuſa red ainm mór?

10 Agus a dubhairt an Tighearna re Joſua, éirigh ſúas, cred as a luighionn tú mar ſo ar haghaidh?

11 Do pheacuidh Iſrael, agus do ſháruigheadar mo chunnradhſa, noch do aithin mé dhíobh: óir do ghlacadar don ní móidighthe, do ghadadar mar ana

ccéadna fós, agus níor léigeadar sin
orra, agus do chuireadar a measg a
ccoda séin é.
12 Uimesin níor fhéadadar clann
Israel seasamh as coinne a námhad,
ach do iompoigheadar a ccul roimhe a
naimhde, do chionn go rabhadar mal-
luigh: agus ni bhia misi maille libh
feasda, muna scriostáoi an malluighthe ó
bheith bhur measc.
13 Eirigh, naómhuigh an pobal, a-
gus abair, Náomhuighe sibh féin a gco-
inne an laói máruighe: óir is marso a
deir an Tighearna Día Israel, atá ní
móidighthe ann bhur lár, ó Israel; ní
fhéadthaoi seasamh as coinne bhur
námhad, nó go gcurthaói uáibh an ní
malluighthe ó bheith bhur measc.
14 Ar a nadhbhar sin béarthar sibh
ar maidin do réir bhur ttreabh, a-
gus is amhlaidh bhías, an ttreabh air a
mbéara an Tighearna go ttiucfuid do
réir a muintear, agus an mhuintir air
a mbéara an Tighearna tiucfuid na
ttighthibh, agus an tigh air a mbéara
an Tighearna tiucfuid na nduine agus na
nduine.
15 Agus is eadh bhías de, an té
ar a mbéarthar leis an ní móidighthe,
loisgfighear lé teinidh é féin agus a
mbía aige uile, do bhrígh gur sháruigh
sé cunradh an Tighearna, agus do
bhrígh gur oibrigh sé leimhe a Nios-
rael.
16 Mar sin do éirigh Josua go
moch ar maidin, agus tug Israel leis
iona ttreabhuibh, agus do gabhadh
treabh Judah.
17 Agus thug sé leis treabh Judah,
agus do ghlac sé muintir na Saríteach:
agus thug sé leis muintir na Sarhí-
teach duine ar dhuine, agus do gabhadh
Sabdi.
16 Agus tug sé leis luchd a thighe
duine ar dhuine, agus do gabhadh Achan
mhac Carmi, mhic Sabdi, mhic Sé-
rah, do threibh Júdah.
19 Agus a dubhairt Josua re A-
chan, Guidhim thú a mhic, tabhair
glóir don Tighearna Día Israel, agus
déana admháil ris, agus innis damhsa
a nois cred do rinne tú, ná ceil orum
é.
20 Agus do fhreagair Achan Jo-
sua, agus a dubhairt, go deimhin do
pheacaidh mé a nagluidh an Tighearna
Día Israel, agus marso agus marso do
rinne mé.
21 A nuáir do chonnairc mé a measc
na néadálach culaidh bhréaghdha Bhabi-
lónta, agus da chéad Secel airgid, agus
barra óir, do chomhthrom cháogad se-
cel, ann sin do shantuigh mé iad, agus
rug mé liom iad, agus féach atáid a bhfo-
lach ansa talumh a lár mo loistin, agus an
tairgiod faoi.
22 Ann sin do chuir Josua teachda
úadh, agus do ritheadar gus an lóistin,
agus féach do bhí sin a bhfolach ion
lóistin, agus an tairgiod faoi.
23 Agus do thógbhadar amach íad as
lár an lóistin, agus tugadar go Josua
íad, agus go cloinn Israel uile, agus do
leagadar amach íad as coinne an Ti-
ghearna.
24 Agus dó ghlac Josua agus
Israel uile maille ris, Achan mhac Se-
rah, agus an tairgiod, agus an té-
dach, agus an barra óir, agus a
mhic, agus a inghiona, agus a dhaimh,
agus a assail, agus a cháoirigh, a-
gus a lóistín, agus a raibh aige
uile, agus tugadar go gleann Achor
íad.
25 Agus a dubhairt Josua, cred as
ar bhuáidhir tusa sinne? buáidheoraidh
an Tighearna thusa a niugh. Agus do
chlochadar Israel uile lé clochuibh é,
agus loisgeadar íad lé teine, tar éis a
cclochadh lé clochuibh.
26 Agus do thogbhadar leachd
mór cloch ós a chionn gus a niugh: mar
sin do fhill an Tighearna ó fhíoch a
fheirge; uime sin do goireadh gleann
Achor dainm don náit gus a niugh.

CAIB. VIII.

Do ghlacadh Ai tré shuighiughadh luigheachán orra. 32 Do scríobhadh na haitheanta ar chlochaibh.

AGus a dubhairt an Tighearna ré Jo-
sua, na bíodh eagla ort, agus ná
húamhnuighear tú: beir leachd na fear
choguidh uile, agus éirigh, imthigh
súas go Hái: féach, thug misi ad láimh
Rí Ai, agus a dhaoine, agus a chathair,
agus a dhúithche.
2 Agus do dhéana tú ré Hái, agus
re na Rígh, mar do rinne tú ré Jericho
agus re na Rígh: amháin a héadáil agus
a háirnéis glacfuidhe mar chreich dha-
gaibh féin; cuir luigheachan duit ar an
ccathruigh táobh shíar dhí.
3 Annsin déirigh Josua, agus an luchd
cogaidh chum dul súas a naghaidh Ai,
agus do thogh Josua amach tríochad
míle dfearuibh láidre a ngaisgidh,
agus do chuir ar siubhal iad san
noidhche.
4 Agus do aithin sé dhiobh, gha
rádh, féach, beithi a luigheachán na
haghuidh na caithreach, táobh shíar don
chathruigh: ná bíthí rófhada ón ccath-
rúigh, ach bíthi uile réigh.
5 Agus racha misi agus a bhfuil do
dhaoinibh liom chum na caithreach agus
tiocfa a ccrích a núair thiucfaid síadsan
amach ar naghaidh, mar an ccéadnair
go tteithfimne rompa.

6 Oir

6 Oir tiucfaid siadsan ar ndiaigh
amach nó go ttairngiom ón ccathruigh
iad: oir a déaruid, Do theitheadar
romhuin mar an gcéadúair.
7 Ar a nadhbharsin teithfimne rom-
palan: agus annsin éireochthaóisi as an
luigheachán, agus sealbhuighidh an cha-
thair; oir do bhéara bhur TTighearna
Dia ann bhur láimh í.
8 Agus is amhluidh bhías a nuáir
ghéabhthaoi an chathair, go ccuirfidhe
an chathair tré theine, do réir aithne an
Tighearna do dhéantáoi: féachuidh do
aithin misi dháoibh é.
9 Uimesin do chuir Josua amach iad,
agus do chuádar do luighe a bhforaire,
agus do shosadair idir Bhetel agus Ai an
taobh shíar do Ai, ach do fhan Josua a
noidhchesin a measg an phobuil.
10 Agus do éirigh Josua go moch
ar maidin, agus do áirimh sé an po-
bal, agus do chuáidh súas, é féin
agus sinnsir Israel roimhe an bpobal
go Hái.
11 Agus do chúadar na dáoine uile,
eadhon a raibh do luchd coguídh na
fhocair súas, agus do thairngeadair a
ccomhfhogus, agus tangadar as coinne
na caithreach, agus do champuigheadar
ar an ttáoibh thúaigh do Ai: a nois do
bhí gleánn eatorra agus Ai.
12 Agus rug sé leis timchioll chúig
míle fear, agus do chuir na luidhe iad a
bhforaire idir Bhetel agus Ai, ar an
ttáobh shíar don ccathruigh,
13 Agus a núair do shuigheadar na
dáoine, eadhon an slúagh do bhí don
taoibh thúaigh don chathruigh, agus a
luigheachan don taobh shíar; do chuaidh
Josua a noidhchesin go lár an ghleanna.
14 Agus tárla a núair do chonnairc
Rígh Ai sin, go ndearnadar deithbhir,
agus gur éirgheadar súas go moch, agus
do chuidar fir na caithreach amach a
naghaidh Israel, é féin agus a mhuintir
uile chum catha a nam cinnte as coinne
an réitigh: achd níor mhothuigh go
raibh luigheachán na aghuidh air an
taoibh shiar don chathruigh.
15 Agus do léig Josua agus Israel
orra féin mar do bheidís búailte,
agus do theitheadar a slighe an
nfásaigh.
16 Agus do goireadh a raibh do
dháoinibh ann Ai a ccionn a chéile na
ttóruigheachd, agus do leanadar Josua agus
do tairrngeadh on ccathruigh iad.
17 Agus níor fhágbhadh duine ann
Ai, nó a Mbetel nach deachuidh amach
do leannmhuin Israel, agus do fhágbhadar
an chathair osguilte, agus do leanadar
Israel.
18 Agus a dubhairt an Tighearna
ré Josuá, sín amach an gath atá ad
láimh a naghaidh Ai: oir do bhéara
misi ad láimh í. Agus do shín Josua an
gath do bhí iona laimh leath ris an
ccathruigh.
19 Agus do éirigh an luigheachán
go mear asa náitibh, agus do ritheadar
ar ball ar shín séision a lámh, agus
do chúadar a steach don chathruigh, agus
do ghabhadar í, agus do dheifrigheadar,
agus do chuireadar an chathair tré
theinidh,
20 Agus a núair do fhéachadar
muintir Ai na ndiaigh, do chonncadar,
agus féach do chuáidh deatach na cai-
threach súas go neamh, agus ní raibh
neart aca teitheamh don táoibhsi, ná don
táoibh oile: agus na dáoine do theith
san bhfásach do fhilleadar ar a nais ar
an ttóir.
21 Agus a núair do chonnairc Jo-
sua agus Israel uile gur ghabh an
luidheachán an chathair, agus gur éirigh
deatach na caithreach súas, annsin do
fhilleadar a rís, agus do mharbhadar
muintir Ai.
22 Agus tangadar cách eile amach
as an gcathruigh na naghuidh, ionnus
go rabhadar a lár Israel, cuid (Dis-
rael) don taóibhsi, is cuid don taóibh
úd, agus do bhuáileadar iad, ionnus
nar léigeadar neach ar bith as, nó
imtheachd díobh.
23 Agus do ghabhadar Rígh Ai na
bheathaigh, agus tugadar chum Josua
é.
24 Agus tárla a nuáir do chríoch-
nuigheadar Israel dúthchusaigh Ai uile
do mharbhadh ann sa machaire san
bhfásach, mar ar thiomáineadar iad, agas
a nuáir do thuiteadar uile le faobhar
an chloidhimh nó gur sgriosadh uile iad,
gur fhilleadar na Hisraelitigh uile go
Hái, agus gur bhuáileadar í lé faobhar
an chloidhimh.
25 Agus an mhéid do thuit an lá
sin idir fhearuibh agus mhnaibh, do
bhádar dhá mhíle dhéug, eadhon múin-
tir Ai uile.
26 Oir níor fhill Josua a lámh
air a hais, noch do shín sé leis an
ngath, nó gur dhíothlairthigh sé áitre-
abhuigh Ai uile.
27 Amháin áirnéis agus éadáil na
caithreacha sin rug Israel léo mar
chreich dhóibh féin do réir bhreithre
an Tighearna, noch do aithin sé do
Josua.
28 Agus do loisg Josua Ai, agus
do rinne cárn di go bráth, áit fhá-
suigh gus a niugh.
29 Agus do chroch sé Rígh Ai ré
crann go tráthnóna, agus ar ball a
ndeachuidh an ghrian faói, do fhúagair
Josua a chorp do leagadh a nuas don
chrann, agus a theilgion a ndul a steach
gheata na caithreach, agus do thógbha-
dár cárn mór ós a chionn, noch mhair-
ios gus a niugh.
30 Ann sin do rinne Josua altóir
don Tighearna Dia Israel, a sliabh E-
bal.

31 Mar

31 Mar do aithin Maóise óglach
an Tighearna do chloinn Israel, mar atá
scríobhtha a leabhar dlighe Mhaóise,
altóir do chlochuibh iomlána, air nar
thóg duine ar bith íarann: agus do ofrá-
ladar orra sin íodhbartha loisge don
Tighearna, agus do íodhbradar ofrála
síothchána.
32 Agus do scríobh sé ansin ar
na clochuibh cóib dhlighe Mhaóise,
noch do scríobh sé a bhfiaghnuisi chlo-
inne Israel.
33 Agus do sheas Israel uile, a-
gus an seanóirighe, agus a noifigigh, a-
gus a mbreitheamhuin don taóibhsi don
Airc, agus ar an ttaóibh oile, roimhe
na Sagairt Lebhíteach, noch do iom-
chair Airc chunnartha an Tighearna,
aráon an coimhidhtheach agus an té
rugadh na measc: Leath dhíobh
thall as coinne shléibhe Gerisim, & an
leath oile dhíobh thall as coinne shléibhe
Ebal: mar do aithin Maóise óglach an
Tighearna roimhe, go mbeinneochaidís
pobal Israel.
34 Agus na dhiáigh sin do léigh
sé bríathra an dlighe uile, na bean-
náchda agus na mallachda do réir a
nuile neithe dá bhfuil scríobhtha a le-
abhar an dlighe.
35 Ní raibh focal dar aithin Ma-
óise nar léigh Josua a lathair chomh-
chruinnigh chloinne Israel uile, maille
ris na mnáibh, agus leis na leanbuibh,
agus leis na coimhighthibh do bhí
gnáthach na measg.

CAIB. IX.

Cealg na nGibeoniteach. 16 Do dhearnadh daoirsinigh dhíobh.

AGus tárla a nuáir do chúaladar na
Righthe uile do bhí don taóibhsi
do Jordan air na slebhtibh, agus air
na gleantuibh, agus ar imlibh na fairge
móire uile thall as coinne Lebanon,
na Hititigh, agus na Hamoritigh,
agus na Cananítigh, agus na Pe-
rissitigh, agus na Hibhitigh agus na Jebu-
sitigh:
2 Gur chruinnigheadar íad féin uile
a gcionn a chéile do throid re Josua, a-
gus ré Hisrael dén toil amháin.
3 Achd a nuáir do chùaladar mu-
intir Ghibeon, mar do rinne Josua ré
Jericho, agus ré Hái.
4 Do rinneadarsan go cealgach, agus
do chuadar, agus do léigeadar orra
gur teachda íad; agus tugadar sean
saic léo ar a nassaluibh, agus sean
bhuidéil fhíona briste ceangailte súas.
5 Agus seanbhróga athchórighe air
a ccosuibh, agus seanéaduighe orra, a-
gus do bhí aráin a lóinn uile tirim agus
liath.
6 Agus do chuadar go Josua do
nfoslungphort a Ngilgal, agus a dubh-
radar ris, agus re fearuibh Israel, Tan-
gamar as tír imchéin: a nois uime sin
déanuidhsi síth rinn.
7 Agus a dubhradar fir Israel ris
na Hibhítibh, do bféidir gurob eadruinn
féin do níthí comhnuighe, agus cionnus
dhéanmaois ceangal ribh?
8 Agus a dubhradarsan re Iosua, a
seírbhísigh dhuit sinn: agus a dubhairt
Josua riusan, cía sibh? agus cait as a
ttangabhair:
9 A dubhradarsan ris, ó thír ro
fhada uáit thangadar do sheírbhísigh ar
son anma do Thighearna Dé; óir do
chúalamar a chlú, agus a ndéarna sé
uile san Negipt.
10 Agus a nuile ní da ndéarna
sé ré dhá Rígh na Namoriteach, do bhí
táobh thall do Jordan, ré Sihon Rígh
Hesbon, agus ré Og Rígh Básan, noch
do bhí ann Astárot.
11 Ar anadhbharsin do labhradar
sinnsir, agus muintir ar ttíre uile
rinn, ga radh, beiridh lónn libh chum
a nastair, agus éirgidhe do theagmháil
dóibh, agus abraidh ríu, ís seirbhísigh
dhaoibh sinne, uimésin a nois dé-
nuidhsi ceangal rinn.
12 Thugamar an taránso mar lón
linn teith ór ttighthibh an la thanga-
mar amach do theachd go nuige sibhsi,
achd a nois féachuidh atá an tarán tirim,
agus ata sé liath.
13 Agus na buidéil si do líonamar
dfíon, do bhádar núa, achd féachuidh
atáid briste, agus íadso ar néaduighe
agus ar mbróga atáid foirfe do bhrígh ar
nastair rofhada.
14 Agus do ghlacadar na fir íad
ar son a mbídh, agus níor iarradar
comhairle as béul an Tighearna.
15 Agus do rinne Josua síth ríu,
agus do rinne ceangal ríu, léigin
dóibh marthuinn, agus tugadar prionn-
suidhe an chomhchruinnigh mionna
dhóibh.
16 Agus tárla a ccionn thrí lá tar
éis osaigh do dhéanadh ríu, go cuala-
dar gur bhíad sin a ccomharsanna, agus
gur aitreabhadar eatorra.
17 Agus do ghluáisiodar clann Is-
rael ar a naghuidh, agus tangadar
dá gcaithreachaibh an treas lá; a nois
dob íad a ccaithreacha Gibeon, agus
Cephirah, agus Beerot, agus Ciriath
Jarim.
18 Agus níor bhuáileadar clann Is-
rael íad, do chionn mar thugadar
prionnsuidhe an chomhchruinnigh
mionna dhóibh fán TTighearna Día Is-
rael, agus do rinneadar an comhchrui-
niughadh munbhar a naghaidh na bpri-
onnsadha.
19 Acht a dubhradar na prionnsuidhe
uile ris an gcomhchruinniughadh, Thu-
gamar ar míonna dhóibh fan TTighearna

na Día Iſrael; a nois ar a nadhbharſin ní fhéadmaóid buáin ríu.

20 Do dhéanam marſo ríu; eadhon léigfeam dhóibh beith béo, deagla dioghaltais do theachd oruinn do bhrígh na mionn thugamar dhóibh:

21 Agus a dubhradar na prionnſuidhe ríu, léighdh dhóibh marthuinn, ach bidís na mbuainteoruibh connuigh, agus na tairrngeoruibh uiſge don chomhchruinnighadh uile, mar do ghealladár na prionnſuidhe dhóibh.

22 Agus do ghoir Joſua orra, agus do labhair ſé riu, gha rádh, Cread fár mheallabhair ſinn, gá rádh, atámoid ro fhada uáibh, a nuair gurob eadruinn chomhnuighthi?

23 Annois ar a nadhbharſin atáthaoi malluigh, agus ní bhiáidh éanduine aguibh ſaor ó bheith bhur ndaóirſineachuibh, agus bhur luchd búana connuigh agus tairngthe uiſge chum tighe mo Dhé.

24 Agus do fhreagradarſan Joſua, agus a dubhradar, do bhrígh gur dearbhadh dot ſheirbhíſeachuibh mar do áithin do Thighearna Día dhá óglach Maóiſe, an dúthche uile do thabhairt daoibhſe, agus dúthchuſaigh na tíre uile do ſcrios romhuibh; uime ſin do bhámar lán deagla ar nanmann romhuibhſi: agus do rinneamar an ní.

25 Agus a nois féach, atámoid ad láimhſi, mar as fearr do chítear dhuit do dhéanamh rinn, Déan é.

26 Agus do rinne ſé mar ſin riú, agus do ſháor as láimh chlainne Iſrael iad, nar mharbhadar íad.

27 Agus do rinne Joſua an lá ſin gearrthóiridh connuigh dhíobh, agus tairngtheóiridh uiſge don chomhchruinniughadh, agus daltóir an Tighearna gus an niugh, annſa náit do thoighſeadh ſé.

CAIB. X.

Joſua, ar tarrthail Ghibeon o na cúig righthibh, ſdad an ghrian agus an ghealach láoi jomlán a lár neimhe.

A Nois táinic a ccrích a núair do chúaluidh Adoniſedec Righ Jeruſalem, mar do ghabh Joſua Ai, agus gur dhiothlaithrigh ſé thríd amach í, mar do rinne re Jericho, agus re na Rígh, marſin do rinne re Hái, agus re na Rígh, agus mar do rinneadar muintir Ghibeon ſíth ré Iſrael, agus mar do bhádár na measg;

2 Gur eagluigheadar go mór, do bhrígh go raibh Gibeon na cathruigh mhoir, mar aon do na caithreachaibh ríoghamhla, agus do chionn gur mhó í ná Ai, agus go rabhadar a daoine uile láidir.

3 Uimeſin do chuir Adoniſedec Rígh Jeruſalem fios go Hoham Rígh Hebron agus go Píram Rígh Jarmut, agus go Jophia Rígh Lachis, agus go Debir Rígh Eglon, gha rádh;

4 Tigidh ſuas chugamſa, agus cuidighe liom lé mbúailfimis Gibeon: óir do rinne ſé ſíth re Joſua, agus re cloinn Iſrael.

5 Ar a nádhbharſin do chruinnigheadar cúig Righthe na Namoriteach íad féin a cceann a chéile, Rígh Jeruſalem, Rígh Hebron, Rígh Jarmut, Rígh Lachis, Rígh Eglon, agus do chúadar ſúas, íad ſein agus a ſloigh uile, agus do chomhnuigheadar a naghuidh Gibeon, agus do rinneadar cogadh na haghaidh.

6 Agus do chuireadar muintir Ghibeon fios chum Joſua don champa go Gilgal, gá rádh, ná mainneachdnuigh do lámh ód ſherbhíſeachuibh, tarr chuguinn tráth, águs ſaor ſinn, agus tárthuigh ſinn: óir atáid na Righthe áitreabhus air na ſléibhtibh uile ar ccruinniughadh ar naghuidh:

7 Annſin do chuáidh Joſua ſúas ó Ghilgal, é féin, agus a luchd coguidh uile ná fhochair, agus na gaiſgidh neartmhara uile.

8 Agus a dubhairt an Tighearna ré Joſua, ná heagluighthear thú rompa; oir dho ſheachuid miſi ad laimh íad; ní ſheasfa duine dhíobh romhad.

9 Tháinic Joſua ar a nadhbharſin chuca go hobann, agus do chuáidh ſé ſúas ó Ghilgal anſa noidhche.

10 Agus do chlaóidh an Tighearna íad roimhe Iſrael, agus do mharbh íad re hár mór a Ngibeon, agus do thiomáin íad ar fud na ſligheadh théid ſúas go Betóron, agus do bhúaileadar íad go Aſecah, agus go Macedah.

11 Agus tárla mar do bhádar ag teithiomh roimhe Iſrael, agus iad ag dul ré ſánuidh go Betóron, gur theilg an Tighearna clochá móra a núas ó neamh orra go nuige Aſecah, agus gur marbhadh íad: ba mó an mhéid do marbhadh le cloichſhneachda dhíobh, ná ar mharbhadar clann Iſrael leis an ccloidheamh.

12 Ann ſin do labhair Joſua ris an TTighearna an ſa lá thoirbhir an Tighearna na Hámorítigh ſúas roimhe chloinn Iſrael, agus a dubhairt ſé a radharc Iſrael, A ghrían ſan ad chomhnuighe ar Ghibeon, agus a ghealach fanſa ad ſheaſamh a ngleann Aialon.

13 Agus dfan an ghrian na ſeaſamh, agus do ſdad an ghealach, no gur dhioghladar na dáoine iad féin air a námhuidh. Nach bhfuil ſo ſcríobhtha a Leabhar Jaſer? mar ſin dfan an ghrían na ſheaſamh, a lár neimhe, águs nior dheifrigh ar dhul ſáoi timchioll laoi iomláin.

14 Agus

14 Agus ní raibh éanlá ríamh cosmhuil ris sin roimhe nó na dhiáigh, gur éist an Tighearna re guth duine; óir do throid an Tighearna ar son Israel.

15 Agus dfill Josua, agus Israel uile maille ris don champa go Gilgal.

16 Ach do theithiodar na cúig Righthesi, agus do dfoluigheadar iad féin a núamhuigh ag Macedah.

17 Agus do hinniseadh sin do Josua, ghá rádh, do fríth an cúigear Righthe a núamhuigh ag Macedah.

18 Agus a dubhairt Josua, iompóidh Clocha móra ar bhéul na húamha agus cuirigh dáoine láimh ría dhá ccoimhéad.

19 Ach ná fanuighsi, leanuidh a ndiaigh bhur námhad, agus búailidh a ndeireadh, ná léigidh dhóibh dul a steach da gcaithreachuibh: óir do thoirbhir bhur TTighearna Día ann bhur Lamhuibh iad.

20 Agus tárla a núair do chriochnuigh Josua agus clann Israel a marbhadh lé hár ro mhór, nó gur sgriosadh iad, go ndeachadar an mhéid do mhair díobh a steach a gcaithreachaibh daingne.

21 Agus do fhilleadar an pobal uile don champa go Josua a Macedah a síothcháin: níor chorruidh éanduine a naghaidh áoin do chloinn Israel.

22 Annsin a dubhairt Josua, osclúigh béul na húamha, agus tabhair chúgam amach na cúig Righthe sin as a núamhaigh.

23 Agus do rinneadar mar sin, agus tugadar na cúig Ríghthe sin chuige amach as a núamhuigh, Rígh Jerusalem, Rígh Hebron, Rígh Iarmut, Rígh Lachis agus Rígh Eglon.

24 Agus tárla a núair thugadar na Righthesin amach go Josua, gur ghoir Josua ar fhearuibh Israel uile, agus a dubhairt sé re caiptínibh an Luchd cogaidh do chúaidh leis,Druididh a leith, cuirfidh bhur ccosa ar mhuinealuibh na Rioghso: agus tangadar laimh ris, agus do chuireadar a ccosa ar a muinealuibh.

25 Agus a dubhairt Josua ríú, Ná húamhnuighthear sibh, agus ná bithí imshníomhach, bíthí Láidir agus láinbheódha, óir is marso do dhéana an Tighearna ré bhur naimhdibh uile re a ttroidsigh.

26 Agus na dhiáighsin do bhúail Iosua iad, agus do mharbh sé iad, agus do chroch sé ar chúig crannuibh iad: agus do bhádar crochta ar na crannuibh go tráthnóna.

27 Agus tárla a nam dul faói na gréine gur fhúagair Iosua, agus tugadar a nuas as na crannuibh iad, agus do theilgeadar an sa núamhuigh iad mar a rabhadar a bhfolach, agus do chuireadar clocha móra a mbéul na húamha, noch mhairios gus a niugh.

28 Agus an lá céadnasin do gh Iosua Macedah, agus do bhúail í faobhar an chloidhimh, agus a Rígh, mharbh sé thríd amach iad féin, ag raibh danmannuibh inte, níor léig s díobh as: agus do rinne sé ré R Mhacedah, mar do rinne re R Iericho.

29 Annsin do ghlúais Iosua ó M dah, agus Israel uile maille ri Libnah, agus do throid sé a nagh Libnah.

30 Agus do thoirbhir an Tighear í mair an gcéudna, agus a R láimh Israel, agus do bhúail s lé faobhar an chloidhimh, agu raibh danmannuibh inte: níor l sé áon díobh as dá raibh inte, a gus do rinne sé ré na Rígh mar do re Rígh Iericho.

31 Agus do ghluáis Iosua Libnah, agus Israel uile maille r go Lachis, agus do champuigheadar n haghaidh, agus do throideadar n haghaidh.

32 Agus do sheachuid an Tighearna Lachis a láimh Israel, noch do ghabh í an dara lá, agus do bhuail í le faobhar an chloidhimh, agus a raibh danmannuibh inte, do réir a nuile neithe d rinneadar re Libnah.

33 Annsin thainic Horam Rígh Ge ser súas do chongnamh le Lachis agus do bhuáil Iosua é féin, agus a mhuintir, no gur fhág gan éanduine béo é.

34 Agus do ghluáis Iosua ó Lachis go Heglon, agus Israel uile maille ris, agus do shuigheadar a ccampa n na huchd, agus do throideadar n haghuidh.

35 Agus do ghabhadar í an lá sin agus do bhuaileadar í lé faobhar an chloidhimh, agus a raibh dannmannuibh innte, do marbhadh iad an lá sin do reir gach éainneithe dá ndéarnadh re Lachis.

36 Agus do chuáidh Iosua suas ó Eglon, agus Israel uile maille ri go Hébron, agus do throideadar n haghaidh.

37 Agus do ghabhadar í agus d bhuaileadar í lé faobhar an chloidhimh agus a Rígh, agus a caithreacha uile, a gus a nuile anam dá raibh inte, ní fhág éanduine béo dhiobh, do réir a nuile ní dá ndearnadh re Heglon, acht d scrios go hiomlán í, agus a raibh d mannuibh inte.

38 Agus do fhill Iosua agus Is rael uile maille ris go Debir, agus throid na haghuidh.

39 Agus do ghabh í, agus a Rí agus a caithreacha uile, agus bhuaileadar iad lé faobhar an ch dhimh, agus do mharbhadar a raibh danmannuibh innte, níor fhág sé bhéo: mar do rinne sé re Hebron

ar sin do rinne re Debir, agus re na
igh, mar do rinne fós re Libnah, agus
na Rígh.
40 Mar sin do bhuáil Jósua tír na
bh agus an taoibh, ó dheas, águs na
ta, agus na sruth, agus a Righ-
uile, níor fhág neach béo dhíobh:
ch do scrios sé uile an mhéid iona
raibh anáil, mar do aithin an Tighear-
na Día Israel.
41 Agus do bhuáil Josua íad ó
Chades-Barnéa go nuige Gása, agus
tír Ghosen uile go nuige Gibe-
on.
42 Agus do ghabh Josua na Rígh-
thesin uile, agus a ndúithche a
náonfeachd: do chionn gur throid an
Tighearna Día Israel ar son Israel.
43 Agus do fhill Josua, agus Is-
rael uile maille ris don champa go
Galgal.

CAIB. XI.

Jabhs maille Righthe, 21 agus aithigh do shliochd Anac do bhualadh dhíobh; 23 Do ghabh Josua an tír do gheall Día: agus sguir íad do chogadh.

AGus tárla a nuair do chúaluidh Já-
bin Rígh Hásor na neithesi, gur
chuir sé chum Jóbab Rígh Simron, &
go Rígh Achsaph,
2 Agus chum na Righthe do bhí búdh
thuaidh ar na sléibhtibh, agus budh
dheas ar réiteach Cinerot, agus ansa
ghleann, agus a nimlibh Dor taobh
shíar;
3 Agus chum an Chananítigh shoir
agus shíar, agus chum an Namorítigh, &
chum an Hititigh, agus chum an Phe-
risitigh, agus chum an Jebusitigh annsna
sléibhtibh, agus chum an Hibhitigh faói
Hermon a ttír Mispeh.
4 Agus do chuadar amach, íad féin
agus a slóigh uile maille ríu, mo-
ran daóine mar an ngaineamh atá
ar thráighe na fairge ar iomadamh-
lachd, maille re marcshluagh agús ro
mhórán carbad.
5 Agus a nuair do chruinnigheadar na
Righthe sin uile a gcionn a chéile, tan-
gadar agus do rinneadair comhnuigh a
bhfochair a chéile ag uisgidibh Me-
rom, do throid a naghaidh Israel.
6 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Josua, Ná bíodh eagla ort ar a son súd;
oír seachóduigh misi a márach tim-
chioll na huairesi íad marbh uile as
coinne Israel: géarrfuidh tú a niosca-
da dá neachuibh, agus loiscfidh tú a
ccarbuid re teinidh.
7 Mar sin tháinic Josua, agus an
luchd cogaidh uile leis na naghaidh ag
uisgidhibh Merom go hobann, agus do
thuitadar orra.
8 Agus do thoirbhir an Tighearna a
láimh Israel iad, noch do bhuáil íad, a-
gus do mhadhmuigh orra go Sidon
mhóir, agus go Misrepot-maim, agus go
gleann Mispeh shoir, agus do bhuailea-
dar íad no gur fhágbhadar gan áon béo
dhíobh.
9 Agus do rinne Josua mar a dubhairt
an Tighearna ris, do ghearr sé ioscada
a neach, agus do loisg sé a gcarbuid
ré teinidh.
10 Agus do fhill Josua an tansin ar
a ais, agus do ghabh Hásor, agus do
bhuáil a Rígh leis an gcloidheamh: oir
do bhí Hásor roimhe sin na ceann ar
na ríoghachduibhsin uile.
11 Agus do bhuáileadar a raibh dan-
mannuibh inte lé fáobhar an chloidhimh
ga scrios uile; níor fágbhadh áon díobh
do tharruing anála, agus do loisg sé
Hásor le teinidh.
12 Agus do ghabh Josua caithreacha
na Rightheadh sin uile, agus a Righthe
uile do ghabh sé, agus do bhuáil íad lé
fáobhar an chloidhimh; agus do scrios
thríd amach íad, mar do aithin Maóise
seirbhíseach an Tighearna.
13 Achd ar son na gcaithreach noch
do shéas a gcomhnuidhe iona neart, níor
loisg Israel énchathair díobh, achd Há-
sor amháin do loisg Josua.
14 Agus tugadar clann Israel léo mar
chreich dhóibh féin, uile éadáil a-
gus áirneis na gcaithreachsin: ach do
bhuáileadar gach uile dhuine le fáo-
bhar an chloidhimh no gur dhíothlaith-
righeadar íad; níor fhágbhadar aon do
tharruing anála.
15 Mar do aithin an Tighearna dhá
sherbhíseach Maóise, is mar sin do
aithin Maóise do Josua, agus do rinne
Josua mar sin: níor fhág sé éinní gan
déanamh do nuile ní do fhógair an
Tighearna do Mhaóise,
16 Mar sin do ghabh Josua an
chríochsin uile, na cnuic, agus an deis-
ciort uile, agus fearann Gosen uile,
agus an gleann, agus an réiteach,
agus sliabh Israel, agus a ghleann
sin:
17 Eadhon ó shliabh Halac théid súas
go Seir, go Baal-gad a ngleann Leba-
non faoi shliabh Hermon: agus do
ghabh sé a Righthe uile, agus do bhu-
áil íad agus do mharbh sé íad.
18 Do rinne Josua cogadh a bhfad
daimsir ris na Righthibhsin uile,
19 Ní raibh Cathair do rinne síth ré
cloinn Israel, acht na Hibhitigh amhain,
áitreabhuigh Ghibeon; do gabhadar
an chuid oile uile a ccath.
20 Oir is ón TTighearna tháinic
crúadhughadh a ccroidheadh, chor go
ttiucfaidís a naghaidh Israel a gcath,
chor go muirfeadh íad uile thrid
amach, águs ionnus nach bhfuighdís
tairiseachd air bith, ach go scriosfadh
sé íad, mar do aithín an Tighearna
do Mhaoisi.

21 Agus annsa namsin tháinic Josua,
agus do scrios sé amach na Hana-
cimigh ó na sléibhthibh, ó Hebron,
ó Dhebir, ó Anab, agus as sléibhthibh
Judah uile, agus ó shléibhthibh Israel
uile: do léirscrios Josua iad uile gon
a gcaithreachaibh.
22 Níor fágbhadh éanduine do na
Hanacimibh a bhfearann chloinne Isra-
el: amháin a Ngása, a Ngat, agus
ann Asdod, do fágbhadh daóine ionta-
sin.
23 Mar sin do ghabh Josua an tír
uile, do réir a nuile ní dar labhair an
Tighearna re Maóise, agus thug Josua
mar oighreachd do Israel é do réir a
ronna iona ttreabhuibh, agus do sguir
an dúithche do chogadh.

CAIB. XII.

An dá rígh taoibh shoir Jordan do bhuail Maoise. 7, Righthe 31 do bhuail Josua taóibh shiar Jordan.

ANnois is iadso Righthe na gcríoch do
bhuáil clann Israel, agus dar shealbh-
uigheadar a bhfearann ar an ttaobh oile
do Jordán leath ré héirghe na gréine; ó
abhuinn Arnon go sliabh Hermon, a-
gus an réiteach uile ar an ttaóibh
shoir.
2 Sihon Rígh na Námoríteach, noch
do áitreibh ann Hesbon, agus do rí-
aghluidh ó Aroer noch atá ar bhrúach
na habhann Arnon, agus ó lár na ha-
bhann, agus ó leath Ghilead gus a na-
bhuinn Jabboc, noch bá téora chloinne
Ammon:
3 Agus ón réiteach go fairge Chine-
rot ar an ttaobh shoir, agus go
fairge an réitigh, eadhon a nfairge shail-
te taobh shoir, an tslighe go Bet-iesi-
mot: agus ón taobh ó dheas faói As-
dot-pisgah.
4 Agus cósta Og Rígh Básan, noch
do bhí dfuighioll na naitheach do áit-
reabh an Astárot, agus ann Edrei.
5 Agus do ríaghluidh a sliabh Her-
mon, agus a Salcach, agus a Mbás-
an uile go himiol na Ngesuríteach,
agus na Maachatíteach, agus leath
Gilead, téora Shihon Rígh Hes-
bon.
6 Do bhuáil Maóise óglach an Tigh-
earna agus clann Israel íadsin, agus
thug Maoise óglach an Tighearna sin
mar sheilbh do na Reubinítibh, agus do
na Gaditibh, agus do leiththreabh Mha-
nasseh.
7 Agus is íadso Righthe na críche do
bhuáil Josua agus Israel don taóibhsi do
Jordan taóibh shiar, ó Bhaal-gad a ngleann
Lebanon go Sliabh Hálac théid súas go
Seir, noch thug Josua do threabhuibh Is-
rael mar sheilbh do réir a ronna.
8 Annsna sléibhtibh, agus annsna
gleantuibh, agus annsná réitibh, agus
ina srothuibh, agus ansa bhfásach, agus
ansa tír ó dheas; na Hititigh, agus
Hamoritigh, agus na Canánitigh, na
Perisítigh agus na Hibhitigh agus
Jebúsitigh.
9 Rígh Jericho, áon: Rígh Ái, n
atá láimh ré Betel, áon:
10 Rígh Jerusalem, áon: Rígh He-
bron, áon:
11 Rígh Jarmut, áon: Rígh La
áon:
12 Rígh Eglon, áon: Rígh Ge
áon:
13 Rígh Debir, áon: Rígh Ge
áon:
14 Rígh Hormah, áon: Rígh Ara
áon:
15 Rígh Libnah, áon: Rígh Adu
lam, áon:
16 Rígh Macedah, áon: Rígh Bet
áon:
17 Rígh Thappuah, áon: Rígh Hep
er, áon:
18 Rígh Aphec, áon: Rígh Lasaro
áon:
19 Rígh Mádon, áon: Rígh Hás
áon:
20 Rígh Simron-meron, áon: Rígh
Achsaph, áon:
21 Rígh Taanach, áon: Rígh Me
giddo, áon:
22 Rígh Cedes, áon: Rígh Jocne
ó Charmel, áon:
23 Rígh Dor a gcósta Dor, áon: Rígh
chineadhacha Ghilgal, áon:
24 Rígh Thirsah, áon: na Righthe
uile, tríochad agus áon.

CAIB. XIII.

Cuid ronna Reuben. 24 Gad. 29 Ag leith threibh Mhanasseh.

ANnois do bhí Josua sean, agus ártha
a mbliadhnuibh, agus a dubhairt
an Tighearna ris, Atá tusa sean
agus ársuidh a mbliaghnuibh, agus
atá fós romhóran talmhan re
bhughadh.
2 Sé so fearann atá fós ré a bh
amach, imle na Bhfilistíneach uile, a-
gus Gesúri go hiomlán.
3 O Shihor noch atá as coinne
Hégipte air fad go himlibh Ecron
Thuaidh, noch áirmhithior do na
nanítibh: cúig Tighearnuigh na Bhfili-
stineach: na Gasatitigh, agus na A
dotitigh, na Hescalonitigh, na Gi
agus na Hecronitigh, mair an g
na Habhitigh.
4 On taóibh ó dheas dúithche
Gcananiteach uile, agus Méarah atá
taobh na Sidonianach go Haphec,
himlibh na Namoríteach:
5 Agus dúthaigh na Ngiblíteach,
gus Lebanon uile leath re h

gréine ó Bhaalgad faói shliabh Her-
mon, go dul a steach go Hamat.
6 Dúthchusuigh thíre na ccnoc uile ó
Lebanon go Misrepot-maim, agus na Si-
dóniannuigh uile; cuirfe mé iad sin a-
mach roimhe chloinn Israel: amhain
roinnsi le crannchar é do Israel mar
oighreachd, mar do aithin misi dhíot.
7 Annois ar a nadhbharsin rannsa an
fearannso mar oighreachd idir na
náoi ttreabhuibh, agus leiththreibh
Mhanasseh.
8 Oir is mar áon ríu do ghabhadar
na Reubenítigh, agus na Gaditigh a no-
ighreachd, noch thug Máoise dhoibh
taobh thall do Jordan leath shoir, ea-
dhon mar thug Máoise óglach an Tigh-
earna dhóibh.
9 O Aroer atá ar bhrúach na habhann
Arnon, agus an chathair atá a lár na
habhánn, agus réiteach Mhedeba uile
go Dibon.
10 Agus uile caithreacha Shihon Righ
na Namoríteach, noch do ríaghluidh ann
Hesbon, go teóruinn chloinne Ammon.
11 Agus Gilead, agus teóra na Nge-
suríteach, agus na Maachatíteach, &
sliabh Hermon uile, agus Basan uile go
Salcah.
12 Agus ríoghachd Og uile a Mbásan,
noch ba Rígh ann Astarot, agus an Edrei,
noch do mhair dfuighioll na naitheach:
óir is iadso do bhúail Máoisi, agus do
theilg sé amach.
13 Gidheadh níor scriosadar clann Is-
rael na Gesuritigh, ná na Maachati-
tigh; atáid na Gesurítigh, agus na Maa-
chatitigh na gcoimhnuighe a measc Is-
rael gus a niugh.
14 Amháin do threibh Lébhi ní thug
sé oighreachd; sé a noighreachdsan io-
dhbhartha an Tighearna Dé Israel déan-
ta lé teinidh, mar a dubhairt sé ríu.
15 Agus thug Máoise do threibh chlo-
inne Réuben oighreachd do réir a
muintear.
16 Agus do bé a tteóra ó Aroer atá ar
brúach na habhann Arnon, agus réi-
teach Mhedéba uile:
17 Hesbon, agus a caithreacha uile atá
annsa réiteach; Dibon, agus Bamot-
baal, agus Bet-baal-meon,
18 Agus Jahasah, agus Cedemot, agus
Mephaat,
19 Agus Ciriataim, agus Sibmah,
agus Saretsahar, a Sliabh an ghlea-
nna.
20 Agus Betpeor, agus Asdot-pisgah
agus Bet-iesimot,
21 Agus caithreacha an réitigh uile,
agus Ríoghachd Sihon Righ na Namorí-
teach uile, noch do ríoghuidh ann Hes-
bon, noch do bhúail Máoisi maille re
prionsadhuibh Midian, Ebhi agus Recem,
agus Sur, agus Hur, agus Reba, duibhci-
dhe Sihon dáitreabhuidh annsa tír.
22 Balaam fós mhac Beor, an fear fái-
stine noch do mharbhadar clann Israel
leis an gcloidheamh a measc an mheide
do mharbhadh leó.
23 Agus do bí teóra chloinne Reu-
ben Jordan, agus a bruach: do bí so
oighreachd chloinne Reuben do reír a
muintear, a ccaithreacha, agus a mba-
ilte.
24 Agus thug Máoise oighreachd do
threibh Gad, eadhon do chloinn Ghad
do reír a muintear,
25 Agus do bé a tteóra, Jaser, agus
caithreacha Ghilead uile, agus leath
dúithche chloinne Ammon go Haroer
atá ás coinne Raabah.
26 Agus ó Hesbon go Ramat-mispeh,
agus go Betonim, agus ó Mhahanaim
go bruach Debir.
27 Agus annsa ghleann go Betaram,
agus Betnimrah, agus Succot, agus Sa-
phon an chuid oile do ríoghachd Sihon
Rígh Hesbon: Jordan, agus a bruach,
eadhon go húir fhairge Chinnerot ar
an ttáobh oile do Jordan leath sho-
ir.
28 Si so oighreachd chloinne Gad do
reír a muinntear, agus a ccaithreacha, a-
gus a mbáilte.
29 Agus thug Máoise oighreachd do
leththreibh Mhanasseh: agus do bé so
sealbh leiththreibhe Mhanasseh do reír a
muintear.
30 Agus dob í a tteóra ó Mhahanaim,
Básan uile, ríoghachd Og Rígh Básan
uile, agus bailte Iair uile, noch atá ann
Básan, trí fichthid cathair.
31 Agus leath Gilead, agus Astá-
rot, agus Edrei, caithreacha do riogh-
achd Og a Mbásan, noch do bhain re
cloinn Mhachir mhic Manasseh, eadhon
do leath chloinne Machir, do reír a
muintear.
32 Siad so na tíortha do rann Máoise
mar oighreachd a réiteach Moab, don
táoibh oile do Jordan láimh ré Jericho
leath shoir.
33 Acht do threibh Lebhi ní thug
Máoise oighreachd air bith: Do be an
Tighearna Día Israel a noighreachdsan
mar a dubhairt sé ríu,

CAIB. XIV.

Cuid Ronna Chaleb.

AGgus Is iad so na tíortha do budh
oighreachd do chloinn Israel a ttír
Chanaáin, noch do roinn Eleasar an
sagart, agus Josua mhac Nun, agus cinn
aithreadh threabh chloinne Israel mar
oighreachd dóibh.
2 Le crannchar do bhí a noighreachd,
mar do aithin an Tighearna lé láimh
Mhaóise dona náoi treabhuibh, agus
don leiththreibh.
3 Oír thug Máoise oighreachd dhá
threibhe uadh ar an ttáoibh oile do Jor-
dan: achd do na Lebhítibh ní thug sé
oighreachd.

4 Oir do bhádar clann Joſeph na
dhá ttreibh, Manaſſeh, agus Ephraim:
ar a nadhbharſin ní thugadar roinn ar
bith do na Lebhitibh annſa tír, achd
caithreacha do chomhnuidhe ionta, ma-
ille re na bhfobhailtibh dá náirnéis, a-
gus da máoin.
5 Mar do aithin an Tighearna do
Mháoiſe, is marſin do rinneadar clann
Iſrael, agus do roinneadar an dúi-
thche.
6 Annſin tangadar clann Júdah go
Joſuah a Ngilgal, agus a dubhairt Caléb
mhac Jephunneh an Ceneſiteach ris, atá
a fhios agad an ní a dubhairt an Ti-
ghearna re Máoiſe óglach Dé dom tháo-
bhſa, agus dot thaobhſa ann Cades-
barnea.
7 Ceathrachad bliaghan dáois do bhí
miſi a nuair do chuir Máoiſe óglach an
Tighearna ó Chadeſ-barnea mé do bhrath
na tíre, agus thug mé ſcéula liom a rís
chuige, mar do bhí an mo chroidhe.
8 Acht cheana mo dhearbhráithre do
chuáidh ſúas tugadar ar croidhe na
ndáoine leaghadh, achd do lean miſi go
hiomlán mo Thighearna Día.
9 Agus do mhionnuigh Máoiſe an lá
ſin, ghá rádh, go deimhin biáidh an fea-
rann air ar ſhaltuir do choſa na oigh-
reachd agadſa, agus ág do chloinn go
bráth, do bhrigh gur lean tu go hiom-
lán mo Thighearna Día.
10 Agus féach a nois do choinnuimh
an Tighearna beó mé mar a dubhairt
ſé, na cúig bhliadhna agus dá fhithchiod
ſo, eadhon ó labhair an Tighearna an
ſocalſo re Máoiſe an feadh do bhádar
clann Iſrael ar ſeachran ſan bhfáſach, &
a nois cheana atáim ceithre fichchid,
agus cúig bliadhna dáois.
11 Atáim fós comhláidir a niugh, a-
gus do bhí mé an lá do chuir Maoiſe
uadh mé: mar do bhí mo neart an
tanſin, is amhluidh atá mo neart annois
do dhéanamh cogaidh, agus do dhul a-
amach agas a ſteach.
12 Annois ar a nadhbharſin tabhair
dhamh an Sliabhſo dar labhair an Tigh-
earna láſin, óir do chúala tú an lá ſin
mar do bhádar na Hanacimigh annſin,
agus go rabhadar na caithreacha mór
daingion: má bhionn an Tighearna
liom, tiucfa dhiom ar a ccur amach,
mar a dubhairt an Tighearna.
13 Agus do bheannuigh Joſúa é, agus
thug do Chaleb mhac Jephunneh Hé-
bron mar oighreachd.
14 Tháinic Hebron ar a nadhbharſin
chum bheith na hoighreachd ag Caleb
mhac Jephunneh an Ceneſiteach gus a
niugh: do bhrigh gur lean ſé go hiom-
lán an Tighearna Día Iſrael.
15 Agus do bé ainm Hebron roimhe
ſin Ciriat-arba; ba duine mór an fear-
ſin á meaſc na Nanacimeach; agus
do bhí ſuaimhneas ó chogadh ag an dúi-
thche.

CAIB. XV.

Crannchar chloinne Judah. 16 fearann do fuair Otniel le Achſa inghean Chaleb.

ACh do bhí crannchar threibhe chl-
inne Júdah do réir a muintear
fad go himiol Edom; fáſach Sin air
ttáobh ó dheas, do bé an foirimiol
don taobh ó dheas.
2 Agus do budh í a ttéora ó thr-
na fairge ſailte ón chúan ſhéach
ttáobh ó dheas.
3 Agus do chuáidh amach don t-
óibh ó dheas go Maaleh-acrabbim, & r-
nic ar fad go Sin, agus do chuaidh ſúas
don taóibh ó dheas go Cades-barnea, a-
ráinic ar fad go Heſron, agus do ch-
aidh ſúas go Hádar, agus tug Compa-
ría go Carcaa.
4 As ſin do chuáidh leath re Haſmon,
agus do chuáidh amach go ſruth na He-
gipte, agus do bhádar dula amach an
chóſta ſin ag a nfairge: budh í ſo
bhur gcóſta ó dheas.
5 Agus do budh í a nfairge ſhailt
an téora ſhoir, eadhon go bárr Jordan
agus do budh í a ttéora anſa chea-
ramhuin thuaigh, ó chuan na fairge
an ccuid is faide uáit do Jordan.
6 Agus do chuáidh an téora ſúas go
Bet-ogla, agus do chuáidh ar fad le
áiſgeirt Bhet-arabah, agus do chuáidh
an teóra ſúas go cloich Bhohan mhic
Reuben.
7 Agus do chuáidh an téora ſúas
leath ré Debir o ghleann Achor, agus
marſin budh thuáigh ag féachuin leath
ré Gilgal atá roimhe dhul ſúas go Hadummim,
noch atá táobh ó dheas don
tſruth: agus do chuáidh an téora leath
ré huiſgidhibh En-ſemes, agus do bhí-
dar a ndula amach ſin ag En-ro-
gel.
8 Agus do chuaidh an téora ſúas
ag gleann Hinnom don taóibh ó dheas
don Jebuſiteach, ſé ſin féin Jeruſalem, a-
gus do chuáidh an téora ſúas go mullach
an tſléibhe atá as coinne ghlinn Hin-
nom táobh ſhiar, noch atá ag críoch
ghlinne na naitheach budh thuáigh.
9 Agus do táirrngiodh an téora ó
mhullach an chnuic go nuige tobar uisce
Nephtoah, agus do chuáidh amach go
caithreachaibh ſhléibhe Ephron, agus
do tháirrngeadh an téora go Báalah noch
ar bé Ciriat-jarim.
10 Agus táinic an téora timchioll ó
Bhaalah táobh ſhiar go Sliabh Seir, a-
gus ráinic ar fad go táobh ſhléibhe
Jearim (noch annois is Cheſalon) don
taóibh ó thuáigh, agus chuáidh ſíos go
Bet-ſemes, agus ráinic as ſin go Ti-
nah:
11 Agus do chuáidh an téora amach
re táobh Ecron, budh thuaigh; & do tha-
rngeadh

rngeadh an téora go Sicron, agus ráinic ar fad go sliabh Baalah, agus do chuaidh amach go Jabneel, agus do bhádar dula amach na teorann ag an bhfairge.

12 Agus do bhí an téora shíar gus an bhfairge mhóir, agus gus a cósta sin: is é so cósta chloinne Júdah timchioll fa gcuáirt do réir a mhuintear.

13 Agus thug sé do Cháleb mhac Jephunneh a chuid a measc chloinne Júdah do réir aithne an Tighearna do Josua, eadhon cathair Arba, athair Anac, noch ar bhí an cathair sin Hébron.

14 Agus do dhíbir Cáleb as sin triúr mac Anac, Sesai, agus Ahiman, agus Talmai, clann Anac.

15 Agus do chuáidh sé súas as sin go dáthchusaibh Debir, agus dob é ainm Debir roimhe sin Ciriat-sepher.

16 Agus a dubhairt Cáleb, an té bhuailfeas Ciriat-sepher, agus ghéabhus í, is dó bhéara mé Achsah minghion na mnaói.

17 Agus do ghabh Otniel mhac Cenas dearbhrathair Cháleb í, agus thug sé Achsah a inghean na mnaói dhó.

18 Agus tárla a nuáir tháinic sí chuige, gur chóir sí faói machaire díarruidh ar a hathair, agus do thuirling sí dá hasal, agus a dubhairt Caleb ría, cred dob áil leachd dfagháil?

19 Ann sin a dubhairt sisi, tabhair beannachd damh: óir thug tú fearann tirm dhamh, tabhair dhamh mar an ccédna toibhreacha uisge: agus thug sé dhi na toibreacha úachdarach, agus na toibreacha iochdarach.

20 Si so oighreachd threibhe chloinne Júdah do réir a muintear.

21 Agus na caithreacha do bfaide amach do threibh chloinne Júdah do réir a muintear leath ré costa Edom táobh ó dheas, do bíad Cabseel, agus Eder, agus Jagur,

22 Agus Cinah, agus Dimónah, agus Adadah,

23 Agus Cedes, agus Háror, agus Ithnan,

24 Siph, agus Telem, agus Bealot,

25 Agus Hasor, Hadattah, agus Ceriot: agus Hesron, noch ar bé Hásor,

26 Aman, agus Séma, agus Moladah,

27 Agus Hasar-gaddah, agus Hesmon, agus Bit-palet,

28 Agus Hasar-sual, agus Beer-seba, & Besiotiah,

29 Balah, agus Iím, agus Atem.

30 Agus Eltolad agus Chesil, agus Hormah,

31 Agus Siclag, agus Madmannah, agus Sansannah,

32 Agus Lebaot, agus Silhim, agus Ain, agus Rimmon: na caithreacha uile, fichthe, agus a naoi, gon ambailtibh.

33 Agus annsa ghleann, Estaol, agus Soreah, agus Asnah,

34 Agus Sanoah, agus Engannim, Tapuah, agus Enam,

35 Jarmut, agus Adullam, Socoh, agus Asecah,

36 Agus Saraim, agus Aditaim, agús Géderah, agus Gederotaim: ceithre caithreacha déug, gun a mbailtibh.

37 Senan agus Hadasah, agus Migdalgad,

38 Agus Dilean, agus Mispeh, agus Iocteel,

39 Lachis agus Boscat, agus Eglon,

40 Agus Cabbon, Lahmas, agus Citlis,

41 Agus Gederot, Bet-dagon, agus Naamat, agus Macedah: sé caithreacha déag, gun a mbailtibh.

42 Lebnah, agus Eter, agus Asan,

43 Agus Jiphta, agus Asnah, agus Nesibh,

44 Agus Ceilah, agus Achsib, agus Maresah: naoi gcaithreacha, gun a mbailtibh.

45 Ecron, gun a bhailtibh, agus a ghráganuibh.

46 O Ecron ar fad go nuige a nfhairge, an mhéid do bhí a bhfogus Asdod, gun a mbailtibh.

47 Asdod gun a bhailtibh, agus gun a ghráganuibh; Gása gun a bhailtibh, agus gun a grágannuibh, go sruth na Hegipte, agus a nfairge mhór, agus a téora.

48 Agus ánnsna sléibhtibh, Samir, agus Jatir, agus Socoh,

49 Agus Dannah, agus Ciriat-Sannah, noch ar bé Débir,

50 Agus Anab, agus Estemoh, agus Anim,

51 Agus Gossen, agus Holon, agus Giloh: éanchathair déag gun a mbailtibh,

52 Arab, agus Dumah, agus Eschean,

53 Agus Janum, agus Bet-tappuah, agus Aphecah,

54 Agus Humtah, agus Ciriat-arba (noch ar bé Hébron) agus Sior: naoi gcaithreacha gun a mbailtibh.

55 Maon, Carmel, agus Siph, agus Jutah,

56 Agus Jesreel, agus Jocdeam, agus Sanoah,

57 Cáin, Gibeah, agus Timnah: Deich ccaithreacha, gun a mbailtibh.

58 Halhúl, Bet-sur, agus Gédor,

59 Agus Maarat, agus Betanot,
agus Eltecon: sé caithreacha gun a
mbailtibh.
60 Ciriat-baal noch ar bhé sin Cír-
iat-jearim, agus Rabbah: dhá cha-
thruigh gun a mbailtibh.
61 Ann sa bhfásach, Betarabah, Mid-
din, agus Secacah,
62 Agus Nibsan, agus cathair an tsa-
luinn, agus Engedi; sé caithreacha
gun a mbailtibh.
63 Agus ar son na Jebusiteach dú-
thchusaigh Jerusalem, níor fhéad clann
Júdah a ndibirt amach, achd áitreabh-
uid na Jebusitigh maille re cloinn Júdah
ann Jerusalem gus a niugh.

CAIB. XVI.

*Crannchar chloinne Ephraim. 10 Ag a ra-
ibh na Canaanitigh fáoi áirdchí-
os.*

AGus do thuit crannchar chloinne
Jóseph ó Jordan láimh re Jéri-
cho go huisge Jericho táobh shoir
gus an bhfásach théid suas ó Jeri cho
ar feadh shléibhe Betel,
2 Agus theid amach ó Bhetel go Lus
agus theid ar fad go teórannuibh Archi
go Hatarot.
3 Agus theid sios a taobh shiar go
cósta na Japhleteach, go nuige cósta
Bhetóron iochtarach, agus go Geser,
agus ataid a ndula amach sin ag an
bhfairge.
4 Marsin do ghlacadar clann Jó-
seph a noighreachd, Manasseh, agus
Ephráim.
5 Agus is marso do bhí teóra chlo-
inne Ephraim do reír a muintear: ea-
dhan teóra a noighreachda ar an ttáoibh
shoir, do bé Atarot-addar go Betóron
uachdarach.
6 Agus do chúaidh an teóra amach
leath ris an bhfairge go Michmetah
ar an ttaoibh thuáigh, agus do chu-
áidh an teóra timchioll don táoibh
shoir go Taanat-síloh, agus do chú-
aidh láimh ris air a noirthear go
Janohah.
7 Agus do chuáidh sin ó Janohah go
Hatarot, agus go Naarat, agus táinic
go Jericho, agus do chuaidh amach ag
Jordan.
8 Do chúaidh an teóra amach ó
Thappuah don táoibh shiar go sruth
Canah: agus do bhí a ndula a-
mach ag an bhfairge: sé so oigh-
reachd threibhe chloinne Ephraim do
réir a muintear.
9 Agus na caithreacha leithreachuis
do chloinn Ephraim do bhádar a measc
oighreachda chloinne Manasseh, na cai-
threacha uile gun a mbailtibh.
10 Agus níor dhíbir siad amach
Cananítigh do chomhnuigh a 'Ngéz
achd do áitreabhadar na Cananítigh
measc na Nephraimíteach gus a niugh,
foghnuid faoi áirdchíos dóibh.

CAIB. XVII,

*Crannchar leth threibh oile Mhanasseh. 3
inghean Selophehad.*

DO bhi mar an cceadna cu
ronna ag treibh Mhanasseh,
do bé céadmhac Jóseph, é; do Mha-
nasseh, athair Ghílead, dó chionn
bhfear coguidh é, uíme sin fúair se G-
lead agus Básan.
2 Do bhí mar an ccéadna cuid ron
don chuid oile do chloinn Mhanasseh
reír a muinntear; Do chloinn Abiéser
do chloinn Helec, agus do chloinn A-
riel, agus do chloinn Shechem, agus do
cloinn Hepher, agus du chloinn Shemida
Dob iad so clann fheardha Mhanas-
seh mhic Jóseph do réir a mui-
tear.
3 Acht ag Selophehad mhac He-
pher, mhic Gilead, mhic Machir, mhic
Manasseh, ní rabhadar mic, achd i-
gheana amháin aige: agus is iad
so anmanna a inghean, Mahlah
Noah, Hoglah, Milcah, agus Ti-
sah.
4 Agus tangadar annsin a lathair
Eleasar an sagart, agus a lathair Jos
mhic Nun, agus a lathair na bpri-
onsadha, gha rádh, do aithin an Ti-
ghearna do Mháoise oighreachd do
thabhairt dúinne a measc ar ndearbhr-
íthreach; uimesin do réir aitheanta an
Tighearna thug sé oighreachd dóibh a
measc dhearbhrathar a nathar.
5 Agus do thuit deich ccoda chum
Manasseh táobh amuich dfearann Ghi-
léad agus Básan, noch bhí ar an tta-
óibh oile do Jordan.
6 Do bhrigh go bhfúaradar inghean
Mhanasseh oighreachd a measc a mhac
agus go bhfúarádar an chuid oile
mhacaibh Mhanasseh fearann Gilead.
7 Agus do bhí cósta Mhánasseh
Aser go Michmetah, atá as coinne Se-
chem, agus do chuáidh an téora
fad ar an láimh dhéis go dúthchus
En-tappuah.
8 Annois fúair Manasseh fear
Tappuah: achd Taphuah ar
Mhanasseh do budh le cloinn Eph-
aim é.
9 Agus do chuáidh an cósta sios
sruth Canáh budh dheas ó nabhuinn
atáid na caithreachasa Ephraim a measc
chaithreach Mhanasseh: do bhí
Mhanasseh mar an gcéadna air an
ó thuáigh do nabhuinn, agus do bhí
a ndula amach ag an bhfairge.
10 Ba le Ephraim budh dheas,

le Manaſſeth budh thuáigh, agus ſí
fáirrge a théorá, agus tárla le chéile
ag Aſer budh thuáigh, agus a Niſ-
ſachar ſhoir.

11 Agus fuair Manaſſeh a Niſ-
ſachar agus a Naſer, Betſen agus a
bailte; agus Ibleam, agus a bhail-
te; agus dúthchuſaigh Dor, agus a
bailte; agus dúthchuſaigh Endor a-
gus a bailte, agus dúthchuſaigh Ta-
nach agus a bailte, agus dúthchu-
ſaigh Megiddo agus a bailte, trí
ſortha.

12 Ghideadh níor fhéadadar clann
Mhanaſſeh [dúthchuſaigh] na gcai-
threachſin do dhibirt amach, achd do
choimhneochaidís na Cananítigh annſa
bhfearannſin.

13 Gidheadh tárla a nuàir do fháſa-
dar clann Iſrael láidir, gur chuireadar
na Cananítigh fá chios, achd níor dhí-
breadar amach go hiomlán íad.

14 Agus do labhradar clann Joſeph
re Ioſua, dhá rádh, cred as nach ttug
tú dhamhſa achd éanchuid ronna, agus
éanchrannchair amháin a noighreachd, ó
táim mórán daóine, do bhrígh gur
bheannuigh an Tighearna mé go ttí ſo?

15 Agus do fhreagair Ioſua íad, má
tá tú mórán daóine, éirghidhe ſúas
don tír choillteamhuil, agus gearr ſios
duit féin annſin a ndúithche na bPe-
rizeach, agus na naitheach, má tá
ſliabh Ephraim ro chumhang agad.

16 Agus a dubhradar clann Ioſeph,
ní lór an cnoc dháinn: agus thairis ſin
atáid carbuid íaruinn ag na Canani-
tigh uile áitreabhas a bhfearann an
ghleanna, ag an luchd atá do Bhetſean
gus a bhailtibh, agus an luchd atá do
ghleann Ieſreel.

17 Agus do labhair Ioſua re tigh
Ióſeph, re Hephraim, agus re Ma-
naſſeh, gha rádh, is daóine móra ſibhſi,
agus atáid cumhachda móra aguibh: ní
taobha ré éanchuid amháin bhias tú.

18 Acht budh leachd an ſliabh: óir
is coill é, agus gearrſa tú ſios í, agus
budh leachd a dula amach: óir
cuirfidh tú na Cananítigh amach, bíodh
go bhfuilid carbaid íaruinn aca, agus
bíodh go bhfuilid láidir.

CAIB. XVIII.

An Tabernacuil ag Silo. 2 An chuid oile do chanaan rannta a ſeachd codchaibh. 11 Cuid ronna Benjamin, ann a raibh Jeruſalem.

AGus do chruinnigh comhchruinniu-
ghadh iomlán chloinne Iſrael a
bhfocair a chéile a Silo, agus do chuir-
eadur ſins tabernacuil an chomhchruin-
nigh ann ſin, agus do claóidheadh an dú-
ithche rompa.

2 Agus do bhádar a meaſc chloinne Iſ-
rael ſeachd ttreabha nach bhfuair a noi-
ghreachd.

3 Agus a dubhairt Ioſua re cloinn
Iſrael, Cá fad atáthaoi tláith do dhul
do ſhealbhughadh na dúithche, noch
thug an Tighearna Día bhur naithreadh
dhaóibh?

4 Tugaidh amach eadruibh tríur fear
as gach aoin treibh; agus cuirſe miſi
uáim íad, agus éireochuid ſiad, agus
rachaid thrid an tír, agus tarruingheo-
chuid í do réir a noighreachda, agus
tiocſaid a rís chugamſa.

5 Agus roinnfid ſiad a ſeachd ccuid
í: fanfuidh Iúdah ann a gcóſta ó dheas,
agus fanfuidh Ióſeph ann a gcóſta ó
thuáigh.

6 Roinnfidhe ar a nadhbharſin an
dúithche iona ſeachd ccotchaibh, agus
do bhéarthaoi an roinn chugamſa annſo,
chor go tteilgſe mé crainn daóibh annſo
a bhfiadhnuiſi bhur TTighearna Dé.

7 Ach ní bhfuil roinn ag na Lebhitibh
eadruibh, óir ſí ſagartachd an Tighear-
na a noighreachdſan: agus fuáir Gad,
agus Réuben, agus leiththreabh Mha-
naſſeh a noighreachd táobh thall do Ior-
dan don taóibh ſhoir, noch thug Maóiſe
óglach an Tighearna dhóibh.

8 Agus do éirghiodar na fir, a-
gus do imthigheadar rompa, agus do
fhúagair Ioſua don mhuintir do chu-
áidh do mheas an nfearuinn, gha rádh,
Eírgidhe, agus ſiubhlaidhe thríd an
dúithche, agus meaſuidh í, agus tigidh
chugamſa a rís, lé tteilgſe mé crainn ann
ſo dhíbh a bhfiaghnuiſi an Tighearna
a Siloh.

9 Agus do imthigheadar na fir, a-
gus chúadar thríd an ttír, agus do
mheaſadar í ó chathair go cathair a
ſeachd gcotchaibh, ann a leabhar, agus
tangadar a rís go Ioſua don tſluaigh a
Siloh.

10 Agus do theilg Ioſua crainn dóibh
a Siloh a bhfiadhnuiſi an Tighearna,
agus annſin do roinn Ioſua an fearann
ar chloinn Iſrael do réir a ronna.

11 Agus thug ſé amach crannchair
threibhe chloinne Beniamin do réir a
muintear: agus táinic cóſta a ccranch-
ar amach idir chloinn Iúdah, agus chlo-
inn Ióſeph.

12 Agus do bhí a tteóra don ta-
oibh thuáigh ó Iordan, agus do chuáidh
an téora ſúas go taóibh Iericho, don
taóibh thuáigh, agus do chuáidh ſúas
thríd na ſhléibhtibh don táoibh ſhiar,
agus do bhí a dula amach ſin ag fá-
ſach Bhet-abhen.

13 Agus do chuáidh an téora ann
ſin leath re Lus, go taoibh Lus (noch
ar bé Betel) budh dheas, agus táinic an
téora a núas go Hatarot adar láimh ris
an gcnoc atá don taóibh ó dheas do
Bhetóran íochdarach.

14 Agus do tairrngeadh an téora
as ſin, agus do thimchill ſí coirneal na
fairge budh dheas, ón chnoc atá as
coinne Bhetóron budh dheas: agus do
bhádar

bhádar a dula amach sin ag Ciriat-
baal (noch ar bé Ciriat-iearim) cathair
lé cloinn Júdah : do budh í so an
cheathramh shíar.
15 Agus do bhí an cheathramha budh
dheas ó chionn Chiriat-jearim, agus do
chuáidh a téora amach ar an ttaóibh
shíar, agus do chuáidh amach go tobar
na nuisgeadh ag Nephtoah.
16 Agus táinic an téora anúas
go cionn an tsléibhe atá as coinne
ghlinn mhic Hinnom, agus noch atá a
ngleann na naitheach budh thuáigh, agus
do chuáidh sios go gleann Hinnom go tá-
obh Jebusi budh dheas, agus do chuáidh
sios go Hen-rogel.
17 Agus do bhí tairngthe ón ttá-
oibh thuáigh, agus do chuáidh amach
go Hen-semes, agus do chuáidh amach
leath ré Gelilot noch atá as coinne
dhula súas Adúmmim, agus do
chuáidh sios go cloich Bhohan mhic
Reuben.
18 Agus do shín ar fad thall as
coinne Arabah budh thuáigh, agus do
chuáidh sios go Harabah.
19 Agus do shín an téora ar fad go
táobh Bhet-oglah bu thuaigh, agus do
bhí dul amach na téorann ar chúan
budh thuáigh na fairge sailte ag an
gceann budh dheas do Jordan: do budh
é so an cósta ó dheas.
20 Agus do bé Iordan a théora
sin don taóibh shoir; dob í so oigh-
reachd chloinne Beniamin le na gcó-
stuibh timchioll fa gcuáirt do réir a
muintear.
21 Annois dob íad so caithreacha
threibhe chloinne Beniamin do réir a
muintear, Iericho, agus bet-hoglah, agus
gleann Cesis,
22 Agus Bet-harabah, agus Semaraim,
agus Betel,
23 Agus Abhim, agus Párah, agus
Ophrah,
24 Agus Chephar-haammonai, agus
Ophni, agus Gába: dhá chathruigh
dhéag gun a mbailtibh.
25 Gibeon, agus Rámah, agus Beerot.
26 Agus Mispeh, agus Chephirah,
agus Morah,
27 Agus Recem, agus Irpeel, agus
Taralah,
28 Agus Selah, Eleph, agus Iebusi,
eadhon Ierusalem, Gibeat, agus Ciriat:
ceithre caithreacha deúg gun a mbail-
tibh. Sí so oighreachd chloinne Benia-
min do reír a muintear.

CAIB. XIX.

Crannchar Shimeoin. 12 *Sebulun.* 17 *Issachar.* 24 *Aser.* 32 *Naphtali.* 40 *Dan.* 49 *Oighreachd Jósua.*

AGus táinic an dara crannchar amach
chum Símeon, ar son threibhe chlo-
inne Símeon do reír a muintear:
do bhí a noighreachd táobh a sligh[e]
ighreachd chloinne Iúdah.
2 Agus súaradar iona noighre[achd]
Beerschéba, agus Scheba, agus Mol[adah],
3 Agus Hasar-sual, agus Balah,
Asem.
4 Agus Eltolad, agus Betul,
Hormáh.
5 Agus Siclag, agus Bet-marca[both]
agus Hasar-susah,
6 Agus Bet-lebaot, agus Saru[hen]
trí caithreacha déug, agus a mbail[tibh].
7 Ain, Remmon, agus Eter,
Asan: ceithre caithreacha gun
mbailtibh.
8 Agus a rabhadar do bhailtibh ti[m]-
chioll fa gcuairt na gcaithreachá
nuige Baalat-beer, Rámat an deisceirt:
si so oighreachd threibhe chloinne Sí-
meon do reir a muintear.
9 Amach as roinn chloinne Iúdah
do bhi oighreachd chloinne Simeon,
óir do bhí roinn chloinne Iúdah, ro
mhór dhóibh: uime sin fúaradar cla[nn]
Shímeon a noighreachd a sligh ina
noighreachdsan.
10 Agus táinic an treas crannchar
amach ar chloinn Shebulun do réir a
muintear: agus do bhí teóra a noigh-
reachda go nuige Sarids.
11 Agus do chúaidh a tteóra súas
leath ris an bhfairge, agus re Maralah,
agus ráinic go Dabbaset, agus do
shín go nuige an sruth atá as coinne
Iocneam;
12 Agus fillidh ó Shárid don táoibh
shoir leath re héirghe gréine go bruach
Chisslot-tabor, agus annsin teíd amach
go Daberat, agus téid súas go Ia-
phia.
13 Agus teid as sin ar fad an táoibh
shoir go Gitah-hepher go Hitacasin,
agus teíd amach go Remon-metoar go
Neah.
14 Agus téid an teóra timchioll don
tàoibh thûaigh go Hannaton: agus
ataíd a dula amach sin a ngleann Iiph-
tahel,
15 Agus Catah, agus Nahallal, a-
gus Simron, agus Idalah, agus Bet-
lehem: dhá chathair déag gun a
mbailtibh.
16 Sí so oighreachd chloinne Sebulun
do réir a muintear, na caithreacha gun
a mbailtibh.
17 Agus táinic an ceathramhadh
cranchar amach ar Issachar, ar son
chloinne Issachar, do réir a muin-
tear.
18 Agus do bhí a tteóra leath re
Iesreel, agus Chesullot, agus Su-
nem,
19 Agus Hapharaim, agus Sihon agus
Anaharat,
20 Agus Rabbit, agus Cision, agus
Abes,
21 Agus Remet, agus Engan-
nim,

[illegible], agus En-hadda, agus Bet-pases.
21 Agus finidh an cósta go Tábor,
agus go Sahasimah, agus go Bet-semes,
agus do bhí dula amach a tteórann ag
Iordan: sé caithreacha deúg gun a
mbailtibh:
23 Si so oighreachd threibhe Chloinne
Isachar do réir a muintear, a gcaithrea-
cha, agus a mbailte.
24 Agus táinic an cúigeadh cranchar
amach ar threibh chloinne Aser do
réir a muinntear.
25 Agus do bhí a tteóra, Helcat,
agus Hali, agus Béten, agus Ach-
saph,
26 Agus Alammelech, agus Amad,
agus Misael: agus roighidh go Carmel
shiar, agus go Sihcr-libnat,
27 Agus fillidh si leath ré héirghe
gréine go Bet-dagon, agus sínidh go
Sebulun, agus go gleann Jiphtah-el bu
thuaidh do Bhet-emec, agus Neiel, agus
téid amach go Cábul ar an láimh
chlé,
28 Agus Hebron, agus Rehob, agus
Hammon, agus Cánah, eadhon go nuige
Sidon mór.
29 Agus ann sin fillidh an cósta
go Ramah, agus gus an gcathruigh
láidir Tire, agus fillidh an cósta go
Hósah: agus ataíd a dhula amach sin
ag an bhfairge ón ccósta go Hach-
sib.
30 Umma mar an ccéadna, agus A-
phec, agus Rehob: dhá chathruigh, agus
fithche, gun a mbailtibh.
31 Si so oighreachd threibhe cloinne
Aser do reir a muinntear, na caithrea-
cha so gun a mbailtibh.
32 Tháinic an seiseadh cranncar
amach do chloinn Naphtali, ar son
chloinne Naphtali do réir a muinn-
tear.
33 Agus do bhí a ccósta ó Heleph,
ó Allon go Saanannim, agus go Ha-
dámi, Neceb, agus Jabneel go Lacum:
agus do bhádar a ndula amach sin ag
Jordan.
34 Agus annsin iompoighidh an cós-
ta don táoibh shiar go Hasnot-tábor,
agus teid amach as sin ga Hucoc,
agus roighidh go Sebulun don táoibh
ó dheas, agus roighidh go Haser don
táoibh shiar, agus go Júdah ar Jordan
leath ré heirghe gréine.
35 Agus is iad na caithreacha dain-
gne, Siddim, Ser, agus Hammat, agus
Racat, agus Cinneret,
36 Agus Adamah, agus Ramah, agus
Hasor,
37 Agus Cedes, agus Edrei, agus
Enhasar,
38 Agus Iron, agus Migdal-el,
Horem, agus Betanat, agus Bet-se-
mes: náoi gcaithreacha déug gon a
mbailtibh.
39 Si so oighreachd threibhe Chlo-
inne Naphtali do reir a muintear,
a ccaithreacha, agus a mbailte.
40 Agus tháinic an seachdmhadh
crannchar amach do threibh chloinne
Dan do réir a muintear.
41 Agus do budh é cósta a noigh-
reachda, Sorah, agus Estaol, agus Ir-
sémes,
42 Agus Saalabbin, agus Aialon, agus
Jetlah,
43 Agus Elon, agus Timnatah, agus
Ecron,
44 Agus Elteceh, agus Gibbeton, agus
Baalat.
45 Agus Jehud, agus Bene-berac,
agus Gat-rimmon.
46 Agus Me-iarcon, agus Racon
maille ris an teóruinn as coinne Ja-
pho.
47 Agus do chuaidh cósta chloinne
Dan amach ró ghann dóibh; uime sin
do chuádur clann Dan súas do throid
a naghaidh Lesem, agus do ghabhadar
í, agus do bhúailiodar í lé faobhar an
chloidhimh, agus do shealbhuigheadar í,
agus do áitreabhadar innte, agus do
ghoireadar do Lesem, Dan, do reir
anma a nathar Dan.
48 Sí so oighreachd threibhe chloinne
Dan do réir a muintear, na caithrea-
chaso gun a mbailtibh.
49 A núair do chuireadar crioch ar
roinn a nfearuinn mar oighreachd lé na
tteórannuibh, thugadar clann Israel
oighreachd do Josua mhac Nun na measc.
50 Do réir fhocail an Tighearna
thugadar an chathair do iarr se dhó,
mar atá Timnat-serah a Sliabh Ephraim:
agus do thóg sé an chathair, agus do
chomhnuigh innte.
51 Siad so na hoighreachda do rann
Eleásar an Sagart, agus Josua mhac
Nun, agus cinn aithreadh threibhe
chloinne Israel mar oighreachd le
crannchar a Siloh a bhfiaghnuisi an
Tighearna ag dorus thabernacuil an
chomhchruinnigh: mar sin do chri-
ochnuigheadar roinn na tíre.

CAIB. XX.

Sé caithreacha dídin, orduighte le Dia:
7 *Agus ar na ccinneadh le Hisrael.*

DO labhair an Tighearna mar an
gcéadna ré Josua, gha rádh.
2 Labhair ré cloinn Israel, gha rádh,
órduighidh amach dhaoibh féin cai-
threacha dídin air ar labhair misi ribh
le láimh Mhaóise:
3 Iondus go bhféadfadh an marbh-
thóir noch mharbhus duine go neimh-
chiontach, agus gan fhios, teitheamh
ionta: agus béid na ndidean agaibh air
dhioghaltach na fola.
4 Agus a nuair theithfios an té
sin, go cathruigh dhíobh sin, seasfuidh

 sé

sé ag dul a steach gheata na caithreach,
agus foillseochuidh sé a chúis a gcluas-
uibh shinnsear na caithreach sin ; agus
géabhuid siadsan chuca don chathruigh
é, agus do bhéaruid áit dó a bhfanfuidh
sé na measc.
5 Agus má ní dioghaltach na fola
tóruigheachd na dhiáigh, annsin ní thoir-
bheoruid siad an marbhthóir ann a
láimh : do chionn gur bhuáil sé a cho-
mharsa gan fhios dó féin, agus nach ra-
ibh súath aige roimhe a naimsirsin air.
6 Agus fanfuidh se annsa chathruigh
sin nó go seasuidh sé a bhfiadhnuise
chomhchruinnigh an bhreitheamhnuis a-
gus go ló bháis a nárdshagairt bhías ann-
sna láethibh sin : agus annsin fillfidh
an marbhthóir dá chathraigh féin, a-
gus dá thigh féin don chathruigh ó ar
theith sé.
7 Agus do chinneadar Cédes an sa
Ghalile a sliabh Naphtali, agus Se-
chem a sliabh Ephraim, agus Ci-
riat-arba (eadhon Hebron) a sliabh
Iúdah.
8 Agus ar an ttaóibh oile do Iordan
láimh ré Iericho táobh shoir, do or-
duigheadar Béser an sa bhfásach ar an
réiteach, amach as treibh Reuben, a-
gus Ramot ann Gilead as treibh Ghad,
agus Gólon ann Básan as treibh Mha-
nasseh.
9 Is iadso na caithreacha do hórdui-
gheadh do chloinn Israel uile, agus don
coimhidheach bhíos ar chuáirt na measc,
chor gidh bé mhuirfeadh duine go nemh-
chiontach, go bhféadfadh teithiomh ion-
ta sin, agus nach muirfidh é le láimh
dhioghaltóra na fola, nó go seasadh sé a
lathair an chomhchruínnigh.

CAIB. XXI.

Caithreacha 48 ag na Lebhitibh. 43 Tug Dia an dúithche & Suaimhneas do Israel do réir a ghellamhna.

ANn sin tangadar cinn aithreadh
na Lebhiteach a lathair go Heléa-
sar an Sagart, agus go Iosua mhac Nun,
agus go ceannuibh aithreadh threibhe
chloinne Israel.
2 Agus do labhradar ríu a Siloh,
a ttír Chánaain, gha rádh, do aithin
an Tighearna le láimh Mhaóise caith-
reacha do thabhairt dúinne do chomh-
nuighe ionta, maille re na mionbhail-
tibh sin dár nairnéis.
3 Agus túgadar clann Israel do na
Lebhítibh as a noighreachd féin ar aithne
an Tighearna na caithreachaso, agus na
bailte do bhean ríu :
4 Agus tainic an chrannchar amach
ar mhuintearuibh na Gcohatíteach : agus
fearadar clann Aaron an sagart, noch
do bhí do na Lebhítibh, le crannchar
ó threibh Iúdah, agus ó threibh
meon, agus o threibh Beniamin,
caithreacha déag.
5 Agus fúaradar an chuid oile
chloinn Chohat le crannchar ó mh
tearuibh threibhe chloinne Ephraim,
ó threibh Dan, agus ó leiththreibh M
nasseh, deich gcaithreacha.
6 Agus fúaradar clann Gherson
crannchar ó muintearuibh threibh
Isáchar agus ó threibh Aser, agus
threibh Naphtali, agus ó leiththreibh
Mhanasseh ann Basan, trí caithreacha
déug.
7 Fúaradar clann Mherári gun
muintearuibh ó threibh Réuben, agus
threibh Gad, agus ó threibh Sebulon
dhá chathruigh dhéug.
8 Agus tugadar clann Israel le cran-
char do na Lebhítibh, na caithreacha
gun a mionbhailtibh, mar do aithin an
Tighearna le láimh Mhaóise.
9 Agus tugadar ó threibh chloinne
Iúdah, agus ó threibh chloinne Simeon
na caithreachasa tar a ttigthear anso
ainmnighthe,
10 Noch fúaradar clann Aaron, do
mhuintir na Gcohatiteach, noch do bhí
do chloinn Lébhi, (oir fá leosan a
céadchrannchar.)
11 Agus tugadar dhóibh cathair
Arbah athair Anac (noch ar bí a
chathair sin Hébron) a sliabh Iúdah,
gun a bailtibh na timchioll fa go
áirt.
12 Agus tugadar machairidh na ca-
threach, agus a bailte do Chálebh mhac
Iephunneh mar sheilbh dhósan.
13 Marsin tugadar do chloinn Aaron
an sagart, Hébron gun a bailtibh do
bheith na cathair dhídin ag an marbh-
thóir, agus Libnah gun a bailtibh,
14 Agus Iatir gun a bailtibh, agus
Estemoa gun a bailtibh,
15 Agus Holon gon a cuimínibh, Debir
gun a cuimínibh,
16 Agus Ain gun a cuimínibh, agus
Iutah gun a cuimínibh, agus Bethsemes
gun a cuimínibh : naoi gcaithreacha ó
dá threibhsin.
17 Agus as treibh Bheniamin, Gi-
beon gun a bailtibh, Geba gun a
bailtibh,
18 Anatot gun a cuimínibh, agus
Almon gun a cuimínibh ; ceithre ca-
threacha,
19 Uile chaithreacha chloinne Aaron
an Sagart, do budh trí caithreacha déug
gun a mionbhailtibh iad.
20 Agus muinteara chloinne Cohat
na Lebhitigh, noch do mháir do chloinn
Chohat, fuaradarsan caithreacha a cran-
char as treibh Ephraim.
21 Oir thugadar Sechem dóibh gun
a cuimínibh a Sliabh Ephraim do bheith
na cathruigh dhídin ag an marbhthóir,
agus Géser gun a cuimínibh.
22 Agus Cibsaim gun a bailtibh,
agus

agus Betóron gun a cuiminibh: ceithre
caithreacha.
23 Agus ó threibh Dan, Elteceh
gun a cuiminibh, Gibeton gun a cui-
minibh,
24 Aialon gun a cuiminibh, Gat-
rimmon gun a cuiminibh; ceithre
caithreacha.
25 Agus ó leiththreibh Mhanaſſeh,
Tánach gun a cuiminibh, agus Gat-rim-
mon gun a cuminibh; dha chathruigh,
26 Na caithreacha uile do bhádar a
deich gun a ccuiminibh do mhuintea-
ruibh chloinne Cohat, noch do mhair.
27 Agus do chloinn Gerſon do mhuin-
teruibh na Lebhiteach, on leiththreibh
oile do Mhanaſſeh tugadar Gólan ann
Báſan maille re na cuiminibh, mar
chathair dhídin ag an marbhthóir, agus
Beeſterah gun a cuiminibh: dhá cha-
thruigh.
28 Agus ó threibh Iſſachar, Cíſon
gun a cuiminibh, Dabereh gun a
cuiminibh,
29 Iarmut gun a cuiminibh, Engannin
gun a cuiminibh: ceithre caithreacha.
30 Agus ó threibh Aſer, Miſal
gun a cuiminibh, Adon gun a cuimí-
nibh.
31 Helcah gun a cuiminibh, agus
Rehob gun a cuiminibh: ceithre cai-
threacha.
32 Agus ó threibh Naphtali, Cedes
ann Ghalilé gun a cuiminibh do
bheith na cathruigh dhídin don mar-
bhthóir: agus Hammot-dor gun a cui-
minibh, agus Cartán gun a chuiminibh;
trí caithreacha.
33 Uile chaithreacha na Ngerſoníteach
do réir a muintear, do bhadar trí
caithreacha déag gun a gcuiminibh.
34 Agus do mhuintearuibh chloinne
Mherári, an chuid oile do na Le-
bhítibh, ó threibh Shebulun Iocneam
gun a cuiminibh, agus Carta gun a
cuiminibh,
35 Dimnah gun a cuiminibh, Nahalal
gun a cuiminibh; ceithre caithreacha.
36 Agus ó threibh Reuben, Béſer
gun a cuiminibh, agus Iahaſah gun a
cuiminibh.
37 Cedemot gun a cuiminibh, agus
Mephaat gun a cuiminibh: ceithre
caithreacha.
38 Agus ó threibh Ghad, Ramot
ann Gilead gun a cuiminibh, do bheith
na cathruigh dhídin ag an marbhthóir,
agus Mahanaim gun a cuiminibh,
39 Hesbon gun a cuiminibh, Iaſer
gun a cuiminibh; ceithre caithreacha ſan
niomlán.
40 Mar ſin do bhádar caithreacha
chloinne Mherári uile gun a muintear-
uibh, noch do fágbhadh do mhuinteruibh
na Lebhíteach, re na gcrannchair, dhá
chathruigh dhéag.
41 Uile chaithreacha na Lebhíteach
a lúigh a ſeilbh chloinne Iſrael, dob
ochd gcaithreacha, agus dá fhithchiod
íad maille re na gcuiminibh.
42 Do bhí gach éanchathair dhíobh ſo
gun a gcuiminibh na timchioll fa ccuáirt:
mar ſo do bhádar na caithreachaſo
uile.
43 Agus thug an Tighearna do Iſ-
rael an dúithche uile, noch do mhion-
nuigh ſé do thabhairt dá naithribh,
agus do ſhealbhuigheadar í, agus do
áitreabhadar inte.
44 Agus thug an Tighearna ſuái-
mhneas dóibh timchioll ſa gcuáirt do
réir gach uile neithe dár mhion-
nuigh ſé dá naithribh, agus níor
ſheas duine dá námhuid rompa: do
ſheachuid an Tighearna a naimhde
uile ann a láimh.
45 Níor theaſduigh éinní maith ar
bith, dar labhair an Tighearna re
tigh Iſrael, tháinig ſe uile a gcrích.

CAIB. XXII.

Do fill na Reubenitigh, 'na Gaditigh & leithreibh Mhanaſſeh le honóir. 10 Do thogbhadar Altóir na fiagnaiſe.

AN ſin do ghoir Ioſua na Reubení-
tigh, agus na Gaditigh, agus leith-
threabh Mhanaſſeh,
2 Agus a dubhairt ríu, do choimhéa-
dabhair a nuile ní dár aithin Maóiſe
ſerbhíſeach an Tighearna dhíbh, agus
do umhluigheabhair dom ghlórſa ſan
nuile ní dár aithin mé dhaóibh.
3 Níor fhágabhair bhur ndearbhrá-
ithre lé mórán do láethibh gus a niugh,
achd do choimhlíonabhair cúram aithne
bhur TTighearna Dé.
4 Agus a nois thug bhur TTighear-
na Día ſocamhal dá bhur ndearbhrái-
thribh, mar do gheall ſé dhóibh: annois
ar a nadhbharſin fillidhſi, agus éirgidhe
dá bhur ttighthibh, agus go fearann
bhur ſealbha, noch thug Maóiſe óglach
an Tighearna dhaóibh don taóibh oile
do Iordan.
5 Ach tugaidh aire ghéar do cho-
imhlionadh na naithneadh, agus an dlí-
ghe noch do chuir Maóiſe óglach an
Tighearna do chúram oruibh, grádh
do thabhairt dhá bhur TTighearna Día,
agus ſiubhal iona ſhlighthibh uile, agus
a aitheanta do choimhlionadh, agus
táobhaidh ris, agus foghnamh dhó le
bhur nuile chroidhe, agus lé bhur nuile
anam.
6 Mar ſin do bheannuigh Ioſua íad,
agus do chuir ar ſiubhal íad, agus do
chúadar chum a loiſtinigh.
7 Annois thug Maóiſe ſealbh do leith-
threibh Mhanaſſeh a Mbáſan: achd don
leiththreibh oile dhíobh thug Ioſua a
meaſc a ndearbhráithreach don taóibhſi
do Iordan leath ſhiar: agus a nuair do
chuir

chuir Josua ar siubhal iad sin fós dá
loistinibh, annsin do bheannuigh sé
iad.
8 Agus do labhair sé ríu, ga rádh,
fillidh dá bhur loistinibh maille re
hiomád saidhbhris, agus ro mhóran áir-
néise, maille ré hairgiod, agus lé hór,
agus lé hiarann, agus maille re ró-
mhórán éaduigh: roinnidh éadáil bhur
námhad ré bhur ndearbhraithribh.
9 Agus do fhilleadar clann Reu-
ben, agus clann Ghad, agus leithth-
reabh Mhanasseh, agus do dhealui-
gheadar re cloinn Israel as Siloh, noch
atá a ttír Chanaain, do dhul go
tír Ghilead go dúithche a seilbhe
noch do shealbhuigheadar do réir
bhréithre an Tighearna le láimh
Mhaóise.
10 Agus a nuair thangadar go brúach
Jordan, noch atá a ttír Chánaain,
clann Reuben, agus clann Ghad, agus
leiththreabh Mhanasseh, do rinneadar
altóir ag Jordan, altóir mhór re féa-
chuin uirre:
11 Agus do chúaladar clann Israel,
dhá rádh, féuch, do rinneadair clann
Reuben, agus clann Ghad, agus leith-
threabh Mhanasseh altóir thall as coinne
fhearuinn Chánaain, a mbrúachaibh
Jordan mar a ngéabhaidís clann Israel
thairis.
12 Agus a núair do chúaladar clann
Israel sin, do chruinnigh comhchruinni-
ughadh chloinne Israel iad féin a gceann
a chéile a Siloh, do dhul súas do throid
na naghuidhsion.
13 Agus do chuireadar clann Israel
go cloinn Reuben, agus go cloinn Ghad,
agus go leiththreibh Mhanasseh go tír
Ghilead, Phineas mhac Eleasair an
Sagart,
14 Agus maille rís deithneamhar
prionnsadha, prionnsa as gach tigh ar
feadh threibhe Israel uile, agus do bhí
gach áon díobh na cheann ar thigh a
aithreadh a measg mhílteadh Israel.
15 Agus tangadar go cloinn Reuben,
agus go cloinn Ghad, agus go leith-
threibh Mhanasseh go tír Ghilead,
agus do labhradar riu, dha rádh:
16 As mar so a deirid íomlán
chomhchruinnigh an Tighearna, cread
an sarúghadhsa do rinneabhairsi a
naghaidh Dé Israel, a bhfilleadh do
leathtaoibh a niugh ó leanmhuin an
Tighearna, mar do rinneabhair al-
tóir dhíbh féin, chor go rachadh sibh
a ttréatuireachd a niugh a naghaidh an
Tighearna.
17 An róibheag dhúinn éacceart
Pheor, ó nach bhfuilmíd glan gus a
niugh (bíodh go raibh pláigh a ccomh-
chruinniughadh an Tighearna.)
18 Acht go bhfillfidhsi fós a niugh
ó leanmhuin an Tighearna? agus iseadh
bhias de, ó rinneabhairsi tréatuireachd a
naghaidh an Tighearna, go mbia sé
feargach a márach re comhchruin-
ghadh Israel uile.
19 Gidheadh, má tá bhur bhfear…
sealbha neamhghlan, annsin éirgidh …
iris go fearann seilbhe an Tigh…
mar a ccomhnuigheann tabernacuil …
Tighearna, agus glacuidh sealbh ar …
sene: acht na cathuighidh a naghuidh…
Tighearna, agus ná cathuigidh ar …
idhne, ag déanadh altóra dháoibh …
táobh amuigh daltóir ar TTighearna D…
20 Nach deárna Achan mhac Se…
sárughadh annsa ní mhalluigh, agus …
thuit dioghaltas ar chloinn Israel …
agus ní hé an fear sin amháin do thuit
ann a choir?
21 Annsin do fhreagradar clann Re-
ben, agus clann Ghad, agus leiththreabh
Mhanasseh, agus dubhradar re ceannaibh
mhílteadh Israel.
22 As fios do Thighearna Día na
ndee, do Thighearna Día na ndee,
agus biáidh a fhios ag Israel, más ce-
thughadh nó sárughadh a naghaidh
an Tighearna é, (ná didinigh sinn a
niugh,)
23 As a ndeárnamairne altoir dhúinn
féin diompógh ó leanmhuin an Tighear-
na, nó más dofráil ofrála loisge uirre, nó
ofrala bídh, nó mas dofráil iodhbartha
siothchána uirro, leanadh an Tighearna
féin é.
24 Agus muna ndeárna sinne é ar
éagla an neithesi, ghá rádh, na dhiaigh
so go naibeóraidís bhur gclannsa re ar
ccloinne, ghá rádh, cred atá dháoibhsi
ris an TTighearna Día Israel?
25 Oír do rinne an Tighearna teóra
do Iordan eadruinn agus sibh; a chlann
Reuben, agus a chlann Ghad, ní bhfuil
roinn aguibh don Tighearna: marsin do
bhéaruid bhur gclannsa air ar gcloinne
scur deagla an Tighearna do bheith orra.
26 Uimesin a dubhramairne, tionsc-
cnam a nois altoír do chur súas dhúinn
féin, ní chum ofrála loisge nó chum
iodhburtha:
27 Acht ionus go mbíath na fhia-
dhnuisi eadruinn agus sibhsi, agus ar
sleachda ar ndiaigh, chor go ndéan-
maois serbhís an Tighearna da lathair
fein lér nofráluibh loisge, agus ler niodh-
barthaibh, agus ler nofraluibh siodh…,
chor nach aibeoradh bhur cclannsa re
ar gcloinne; Ní bhfuil cuid aguibh
san Tighearna.
28 Uime sin, ar sa sinne, gurab
amhluidh bhias a nuáir a déaruid siad …
rinn, nó rér sliochd annsa naimsir thice-
fas, go mbiáidh aguinne re a rádh, fé-
chuidh samhlachus altóra an Tighearna
do rinneádar ar naithrenne, ní chum ofrá-
la loisge nó chum iodhbartha, achd …
fia dhnuise eadruinne agus sibhsi é.
29 Nár léigidh Dia go rachamaois
a ttréatuireachd a naghaidh an Tighear-
na, agus go bhfillfeamaois a niugh ó lean-
mhuin an Tighearna do dhéanamh altóra
dofráluibh

... dofráluibh loiſge, dofráluibh bídh, nó ... iodhbarthaibh, táobh amuigh daltóir ar Tighearna Dé, noch atá a bhfiaghnuiſe a tabernacuil.

30 Agus a nuáir do chualuidh Phíneas an ſagart, agus prionnſuidhe an chomhchruinnigh, agus cinn mhílteadh Iſrael, noch do bhí na fhochair, na bríathra do labhradar clann Reuben, agus clann Ghad, agus clann Mhanaſſeh, do thaitin ſin ris:

31 Agus a dubhairt Phínéas mhac Eleázair re cloinn Reuben, agus ré cloinn Ghad, agus re cloinn Mhanaſſeh: a niugh aitheighimid go bhfuil an Tighearna ar meaſc, do chionn nach dearnabhair an ſárughadhſa a naghaidh an Tighearna: anois do ſháorabhair clann Iſrael ó láimh an Tighearna.

32 Agus do fhill Phíneas mhac Eleázair an ſagart, agus na prionnſuidhe ó chloinn Reuben, agus ó chloinn Ghad, as tír Ghilead go tír Chánaain do chloinn Iſrael, agus tugadar ſcéula chuca a rís.

33 Agus do thaitin an ní re cloinn Iſrael, agus do bheannuigheadar clann Iſrael Día, agus níor chuireadar rompa dul ſuas na naghaidh ſin a gcath, do mhilleadh na tíre ionar áitreabhadar clann Reuben agus Ghad.

34 Agus do ghoireadar clann Reuben agus clann Ghad Ed, don naltóir: óir biáidhſi mar fhiadhnuiſi eádrainn, gur bé an Tighearna as Día ann.

CAIB. XXIII.

Do chuir Joſua roimhe a bhás a dfhiachuibh ar an pobal, Reachd Dé do leanmhuin. 7 & gan taobhadh ris na cineadhachaibh.

AGus tárla aimſir fhada tar éis an Tighearna do thabhairt ſúaimhnis Diſrael ó na naimhdibh uile timcholl ſa gcuairt, gur fhás Ioſua áoſta foirfe.

2 Agus do ghoir Ioſua ar Iſrael uile, agus ar a ſeanóiribh, agus ar a ccean-nuibh, agus ar a mbreitheamhnuibh, agus ar a noifigeachuibh, agus do ráidh ſé riu; atáimſi foirfe, agus aoſta a mblíadhnuibh:

3 Agus do chonncabhairſi gacha a ndéarna bhur Ttighearna Día ris na cineadhachaibh ſi uile ar bhur ſonſa, óir ſe bhur Ttighearna Día do throid ar bhur ſon.

4 Féachuidh do roinn me oruibh le crannchar na cineadhachaſa mhairios, dá mbeith mar oighreachd ag bhur ttreabhuibh ó Iordan, maille ris na huile chineadhachaibh dar ghearr mè amach, go nuige an nfairge mhóir don táoibh ſhiar.

5 Agus dibeoruidh bhur Ttighearna Día romhuibh iad, agus thiomáinfidh ſe as bhur radharc íad, agus ſealbhochthaoiſe an dúithche mar do gheall bhur Ttighearna Día dhaóibh.

6 Bíthiſe ar nadhbharſin ro churata, do choimhéad, agus do dhéanamh a nuile ni atá ſcríobhtha a leabhar dhlíghe Mhaóiſe, go nach bhfillfidhe a leathtaoibh uadh ſin don láimh dheis nó don láimh chlé.

7 Agus nach ttiocfuídhe a meaſc na ccineadhſo mhairios bhur meaſc, agus nach déantaoi iomrádh ar a ndeeibh na nainm, agus nach ttiubharthaoi fa deara a ttabhairt mar mhionnuibh, agus nach deantuidh ſerbhís dóibh, agus nach ccláonfuidh ſibh féin dóibh.

8 Acht adharfuidhe bhur Ttighearna Día, mar do rinneabhair gus a niugh.

9 Oir do chuir an Tighearna amach romhuibh cineadhacha móra neartmhara: acht ar bhur ſonſa, ní tháinic déinfhear ſeaſamh bhur naghaidh gus a niugh.

10 Cuirfidh aon daóibhſi míle a tteitheamh, óir ſe bhur Ttighéarna Día an té throidios ar bhur ſon, mar do gheall ſé dhaóibh.

11 Tugaidh aire mhaith dhaóibh féin ar a nadhbharſin go mbía grádh aguibh da bhur Ttighearna Día.

12 Nó má théighthi air éanchor air gcúl, agus má ghreamuighthí dfuighioll na ccineadhachſan noch mháirios bhur meaſc, agus go ndéantaói cleamhnus ríu, agus go rachthaoi a ſteach chuca, agus iadſan chugaibhſi.

13 Bíodh a fhios aguibh go dearbtha, nach gcuirfidh bhur Ttighearna Día ní ſa mó éainneach do na cineadhachaibhſi amach romhuibh; ach béid na bpaintéaruibh, agus na nduluibh dhaóibh, agus na ſciurſaidhibh ann bhur ttáobhuibh, & na ndealguibh ann bhur ſúilibh, nó go nimithighid ſeachad as an ndúithche mhaithſi thug bhur Ttighearna Día dhaóibh.

14 Agus féachuidh, atáimſi a niugh ag dul ſan tſlighe a ttéid an domhan uile; agus atá a fhios aguibhſi an bhur gcroidhthibh uile agus ann bhur nanmuibh, nach ar fhailligh mé éinni amháin do na huile néithibh maith noch do labhair bhur Ttighearna Día da bhur ttaobh: tangadar a ccrích uile dhaóibh, agus níor theaſtuigh éinní amháin díobh.

15 Uime ſin tiocfaidh a ccrích, mar tháinic gach uile ní maith oruibh dar gheall bhur Ttighearna Día dhaóibh, go ttiubhra mar an ccéadna án Tighearna gach uile dhroicní oruibh, nó go ſcriosfuidh ſé ſibh as an bhfearann maithſi, noch thug bhur Ttighearna Día dhaóibh.

16 A nuáir ſháireochthaoi cunradh bhur Ttighearna Dé, noch do aithin ſé dhíbh, agus imtheochuighe, & adharfuighe Dée eile, agus uimhleochuighe ſibh féin dóibh: anuſin laſfuighear fearg an Tighearna ribh, agus ſcriosfuighear ſibh go hobann

hobann as an bhfearann maith, noch
thug sé dhibh.

CAIB. XXIV.

Josua agus oireachduis Israel a ccomhdhail ré cheile. 29. Bás Josua. 32 adhlacadh ehnámha Joseph. 33. Déug Eleasar.

AGus do chruinnigh Iosua treabha Is-
rael uile go Sechem, agus do ghoir
ar shinnsioruibh Israel, agus ar a gcean-
nuibh agus ar a mbreitheamhnuibh, &
ar a noifigeachaibh: agus do thaisbéana-
dar iad féin a lathair Dé.
2 Agus a dubhairt Iosua ris an bpobal
uile, as mar so a deir an Tighearna
Día Israel; do áitreabhadar bhur
naithreacha don taóibh oile don tuile
annsa tseanaimsir, eadhon Térah, athair
Abraham, agus athair Nachor: agus
do adhradar Dée oile.
3 Agus do thóg misi bhur nathair
Abraham don taóibh oile don tuile, agus
do thréoruigh mé tré thír Chanaain uile
é, agus do mhéaduigh mé a shliochd, agus
thug mé Isaac dhó.
4 Agus thug mé Disaac, Iacob, agus
Esau; agus thug mé do Esau sliabh Seir
re shealbhúghadh, achd do chuáidh Iá-
cob, agus a chlann sios don Négipt.
5 Do chuir mé Maóise fós, agus Aá-
ron, agus do chuir mé pláigh ar an Né-
gipt, do réir na neithe do chuir misi na
measc: agus na dhiáigh sin thug mé
sibhse amach.
6 Agus thug mé bhur naithre as an
Négipt, agus tangabhairsi: agus do lea-
nadar na Hégiptigh a ndiáigh bhur naith-
readh, lé carbaduibh, & le marcshlúagh
go nuige an mhuir ruáidh.
7 Agus a nuair déighmheadar ar an
Ttighearna, do chuir sé dorchadas eadr-
uibhsi agus na Hégiptigh, agus thug sé a
nfairge ar a muinsion, agus do mhúch
se iad, agus do chomhnuigheabhairsi an
sa bhfásach aimsir fhada.
8 Agus thug mé go crích na Namo-
ríteach sibh, noch do áitribh an táobh
oile do Iordan, agus do throidedar
ribh, agus thug misi an bhur láimh
iad, go bhféadadh sibh a ndúithche do
shealbhughadh, agus do scrios mé romh-
uibhsi iad.
9 Annsin déirigh Bálac mhac Sip-
por, Rígh Moab, agus do chathuidh sé
a naghaidh Israel, agus do chuir fios,
agus do ghoir Bálaam mhac beor dá
bhur mallughadh.
10 Ach níor éist misi re Bálaam,
uimesin do bheannuigh sé sibh a gcomh-
nuidhe: mar sin do sháor mé sibhsi ás
a láimh.
11 Agus do chuadhbhair tar Iordan,
agus tangabhair go Iericho, agus do
throideadar fir Iericho bhur naghaidh;
na Hamoritigh, agus na Perisitigh, a[gus]
na Cananítigh, agus na Hititigh, agu[s]
Girgasitígh, agus na Hibhitigh, agu[s]
Jebusitigh; agus thug misi ann bh[ur]
lámhuibh iad.
12 Agus do chuir mé an ceárnab[h]
romhuibh, noch do thiomáin a[mach]
romhuibh iad, dhá Rígh na Namorite[ach]
gidheadh ní led chloidheamhsa nó l[e]
bhogha.
13 Agus thug mé dúithche dhaóibh g[o]
son nach déarnabhair saothar, agus ca[thr]
threacha nach sibh féin do chuir suas, [a]
áitreabhthaoi iontas do na lubhgho[r]
tuibh fíneamhna agus ola, nach sibh féi[n]
do phlannduigh, a seadh ithí.
14 Annois ar a nadhbharsin bíodh
eagla an Tighearna oruibh, & foghnai[dh]
dhó a ngloine agus a bhfírinne, a[gus]
cuiridh uáibh na dée dar gheilleada[r]
bhur naithre don taóibh oile don tuile,
agus annsa Negipt, agus déanaidh ser-
bhís don Tighearna.
15 Agus má chítior dhaóibh gurob olc
serbhís do dhéanamh don Tighearna,
toghaidh féin a niugh, cia haca dá ndéan-
taoi serbhís, an do na déeibh noch do-
dhair bhur naithré táobh thall don tuile
nó do dhéeibh na Namoriteach a ndúith-
che a bhfuiltí: achd ar mo shonsa, & ar
son mo thighe, foigheonam don Tigh-
earna.
16 Agus do fhreagradar an pobal,
agus a dubhradar; Nar léigidh Día go
ttréigfemisne an Tighearna, dfoghnamh
do dhéeibh eile.
17 Oir sé ar Tighearna Día thug sua[s]
sinn agus ar naithre, as crích na Hégipte,
ó thigh na daóirsi, agus noch do rinne na
comharthuidhe móra sin ann ar radhar[c]
agus do choimhéad sinn ann gach uile
shlighe a ndeachamar, agus a measc gach
uile phobal tré ar ghabhamar.
18 Agus do chuir an Tighearna amach
romhuinn na daóine uile, eadhon na Ha-
morítigh do áitreabh annsa dúithche;
uimesin mar an gcéadna foigheonamne
don Tighearna, óir isé ar Ndía é.
19 Agus a dubhairt Iosua ris an bpo-
bal, ní fhéadthaoi foghnamh don Tigh-
earna; óir is Día náomhtha é: is Día
éudmhar é, ní mhaithfidh sé bhur cciont[a]
no bhur bpeácuidh dhaóibh.
20 Má thréigthi an Tighearna, & dée
coimhidhtheach dadhradh, annsin iomp[ó]
ochtha seision, agus do dhéana sé doch[ar]
dhaóibh, agus díobháighfidh sé sibh ta[r]
éis a ndeárna sé do mhaith dhibh.
21 Agus a dubhairt an pobal re
Iosua, ní headh, achd foigheonam don
Tighearna.
22 Agus a dubhairt Iosua ris an bpo-
bal, is fiadhnuise sibh féin bhur naghaidh
féin, gur thoghbhair an Tighearna dhib[h]
do dhéanumh seirbhise dhó: agus a
dubhradarsan, is fiadhnuisi sinn.
23 Annois uimesin (ar seision) cu-
ridh uáibh na dée coimhidhtheacha a[ta]
eadruibh

...adruibh, agus iompoighidh bhur gcroi-
...he chum an Tighearna Día Israel.
24 Agus a dubhairt an pobal ré Iosua ;
... Ttighearna Día isé adhorum, agus dá
...uth uimhleocham.
25 Marsin do rinne Iosua cunnradh
ris an bpobal an lásin, agus do chuir
sios statuid, agus órdughadh dhóibh a
Sechem.
26 Agus do scríobh Iosua na briath-
rasо a leabhar dhlighe Dé, agus do thóg
cloch mhór, agus do chuir na seasamh
annsin i faói dharuigh do bhí láimh ré
sanctora an Tighearna.
27 Agus a dubhairt Iosua ris an bpo-
bal uile, féachuidh, biáidh an chlochso
mar fhiadhnuisi aguinn ; óir do chúala
si briathra an Tighearna uile, noch do
labhair sé rinne : biáidh sí ann sin mar
fhiadhnuisi oruibhsi, deagla go séanfadh
sibh bhur Ndia.
28 Mar sin do léig Iosua don phobal
imtheachd, gach éanduine dhà oigh-
reachd féin.
29 Agus tárla a ndiaigh na neitheann-
sa, gur éug Iosua mhac Nun óglach an
Tighearna, ar mbeith dhó céud agus
deich mbliadhna daóis.
30 Agus do aidhlaiceadar é a ttéo-
ruinn a oighreachda féin a Ttimnat-Se-
rah, noch atá a sliabh Ephraim, ar an
ttaobh thuaigh do chnoc Gaas.
31 Agus do rinne Israel serbhis don
Tighearna ar feadh láetheadh Iosua,
agus uile láethe na sinnsior do mhair a
ndiaigh Iosua, agus agá raibh fios uile
oibreach an Tighearna, noch do rinne
sé ar son Israel.
32 Agus cnámha Ióseph, noch do thu-
gadar clann Israel súas as an Négipt, do
adhlaiceadar iad a Sechem, an sa
bpíosa fearainn do cheannuigh Iacob ó
mhacuibh Hámor, athair Shechem ar
chéad píosa airgid, agus tháinic na oígh-
reachd chum cloinne Ioseph
33 Agus déug Eleásar mhac Aaron,
agus do adhlaiceadar é a ccnoc do bhean
ré Phineas a mhac, noch tugadh dhó a
sliabh Ephraim.

LEABHAR NA MBREITHEAMHAN.

CAIB. I.

...imbe agus uachdranachd threibh Judah agus Shímeoin.

ANois tar éis bháis Iosua
tárla gur fhiafruighea-
dar clann Isrrel don Ti-
ghearna, dhá radh, ciá
rachus uainn a naghaidh
na Gcananíteach ar tús do
throid na naghaidh ?
2 Agus a dubhairt an Tighearna, ra-
chaidh Iúdah súas, féach thug mé an tír
ann a láimhsion.
3 Agus a dubhairt Iúdah re Símeon a
dhearbhrathair, Tárr súas liomsa ann mo
chuid crannchair, chor go ttroidfiom a
naghaidh na Gcananíteach, agus racha
misi leachdsa már an gcéadna ann do
chuid crannchuirse : mar sin do chuaidh
Símeon leis.
4 Agus do chúaidh Iudah súas, agus
thug an Tighearna na Cananítigh, agus
na Perisitigh ann a lámhuibh, agus do
mharbhadár dhíobh a Mbésec deich míle
fear.
5 Agus fúaradar Adonibesec a Mbésec :
agus do throideadar na aghaigh, agus do
mharbhadar na Cananítigh, agus na Pe-
risitigh.
6 Ach do téjth Adonibésec, agus do
leanadar é, agus rugadar air, agus
do ghearradar ordóga a lámh, agus a
chos de.
7 Agus a dubhairt Adonibésec, Trí
fichthid Rígh dar beanadh ordóga a
lámh agus a gcos díobh, do chruinni-
gheadar [a mbiadh] fáoi mo bhórdsa :
mar do rinne misi, is mar sin thug
Día díoghaltas orm : agus thugadar leó
é go Hierusalem, agus fuair sé bás ann
sin.
8 Annois do throideadar mic Iúdah
a naghaidh Ierusalem, agus do ghabha-
dar í, agus do bhúaileadar í le faobhar
an chloidhimh, agus do chiureadar an
chathair tré theinidh.
9 Agus na dhiáigh sin do chuadar
clann Iúdah síos do throid a naghaidh
na Gcananíteach, noch do áitreibh annsa
tsliabh, agus an táobh ó dheas, agus
annsa ghleann.
10 Agus do chuáidh Iúdah a na-
ghaidh na Gcananíteach do áitreibh ann
Hébron (annois do bé Ciriat-arba
ainm Hebron roimhe so,) agus do
mharbhadar Sesai, agus Ahiman, agus
Talmai.
11 Agus as sin do chuáidh sé a
naghaidh áitreabhach Debir, (agus Ci-
riat-sepher dob ainm roimhesin do
Dhebir.)
12 Agus a dubhairt Cáleb an té chláo-
idhfios Ciriat-sepher, agus ghéabhus í, is
dó sin do bhéara mé Achsa minghion na
mnáoi :
13 Agus do ghabh Otníel mhac Cenaz,
an dearbhrathair dob óige ag Caleb an
chathair ; agus thug sé dhó Achsah a
inghean na mnáoi.

14 Agus tárla a nuáir tháinic sí chuige,
go ttug sí air fearann díarruidh air a
hathair: agus do thuirling sí dá hassal:
agus a dubháirt Cáleb ría, cred as áill
leachd?
15 Agus a dubhairt sisi ris, Tabhair
beannachd dhamh: óir thug tú fearann
tirim dhamh, tabhair dhamh mar an
gcéadna sruthâin uisge: agus thug Caleb
dhi na toibreacha úachdarach, agus na
toibreacha íochdarach.
16 Agus do chuádar clann an Che-
nitigh, athair mhna Mháoise, as Ca-
thruigh na ccrann pailme súas maráon
re cloinn Iúdah go fásach Iúdah, noch
atá don táobh ó dheas do Arad, agus do
chuadar, agus do chomhnuigheadar a
measc na ndaoine.
17 Agus do chuáidh Iúdah le Sí-
meon a dhearbhrathair, agus do mhar-
bhadar na Cananítigh, noch do áitreibh
a Séphat, agus do scrios í go hiomlán:
(agus sé dob ainm don chathruigh
Hormah.)
18 Mar an ccéadna do ghabh Iúdah
Gása maille re na cósduibh, agus As-
celon maille re na cóstuibh, agus Ec-
ron maille re na cóstuibh:
19 Agus do bhí an Tighearna re Iú-
dah, agus do dhíbir sé amach áitrea-
bhuigh an tsléibhe: achd níor fhéad sé
áitreabhuigh an ghleanna do dhibirt, do
chionn go raibh carbuid íaruinn aca.
20 Agus tugadar Hebron do Chaleb,
mar a dubhairt Máoise, agus do dhíbir sé
as sin trí mic Anac.
21 Agus nír dhibriodar clann Bhenja-
min na Jebusítigh do áitreibh ann Jeru-
salem: achd dfanadar na Jebusitigh a
bhfochair chloinne Benjamin gus a niugh
ann Jerusalem.
22 Agus tigh Joseph, do chúadarsan
súas mar an gcéadna a naghaidh Bhe-
tel, agus do bhí an Tighearna maille
riú.
23 Agus do chuir tigh Joseph luchd
bratha ar Bhetel:(annois ba Lus ainm na
caithreach roimhe sin:)
24 Agus do chonncadar an luchd bra-
tha duine ag teachd amach as an gca-
thruigh, agus a dubhradar ris, guidhmid
thú, taisbéin dúinn slighe dhul a steach
na caithreachsa, agus do dhéanam
trócaire ort.
25 Agus a núair do thaisbéin sé dhóibh
slighe dhul a steach na caithreach, do
bhuaileadar an chathair le faobhar an
chloidhimh: achd do léigiodar an fear-
sin as, agus muintir a thighe uile.
26 Agus do chúaidh an tóglach go
dúithche na Hititeach, agus do thóg ca-
thair, agus do ghoir Lus dainm dhi: sé
sin is ainm dhi gus a niugh.
27 Ní mò do dhibir Manasseh áitrea-
bhuigh Bhetsean agus a bailteadh, ná
Táanach agus a bailteadh, ná áitrea-
bhuigh Dor agus a bailteadh, ná áitrea-
bhuigh Ibleam agus a bailteadh, ná áitrea-
bhuigh Mhegiddo agus a bailteadh; achd
ba mían leis na Canaanítibh comhnuig[...]
san tír sin.
28 Ach tárla a núair do bhí Is[...]
láidir, gur chuireadar na Canaanít[...]
chíos, agus nar dhíbriodar thríd a[...]
íad.
29 Mar an ccéadna níor chuir Ephr[...]
amach na Canaanítigh, noch do áitr[...]
ann Géser, achd do áithreabadair na C[...]
naanítigh an Geser na measc san.
30 Agus níor dhíbir Sebulon áit[...]
bhuigh Chítron, nó áitreabhuigh Na[...]
lol; achd do chomhnuigheadar na C[...]
naanítigh na measc san, agus tang[...]
fa chíos dóibh.
31 Ní mó do dhíbir Aser áitreabh[...]
Accho, nó áitreabhuigh Sidon, nó Ah[...]
nó Achsib, nó Helbah, no Aphic, [...]
Réhob:
32 Ach do chomhnuigheadar na Hás[...]
ritigh a measc na Gcanaaníteach, [...]
treabhuigh an nfearuinn: óir níor dhí-
briodar amach iad.
33 Ni mó do dhíbir Naphtali áitreabh[...]
Bhet-semes, no áitreabhaigh Bhet-an[...]
achd do áitribh sé a measc na Cana[...]
teach, áitreabhuigh an nfearuinn: [...]
dheadh do bhádair áitreabhaigh Bhet-
semes, & Bhet-anat fá chíos dóibh.
34 Agus do choimhéignígheadar na
Hámoritigh clánn Dan do chomhnuigh[...]
san tsliabh, óir níor fhuilingiodar dhóibh
teachd a núas annsa ghleann.
35 Ach ba mían leis na Hamoritibh
áitreabh do dhéanamh a sliabh Heres
ann Aialon, agus a Sealbim: gidheadh
rugadar lámha thighe Joseph búaidh[...]
nus go dtangadar fá chíos dóibh.
36 Agus do bé teóra na Namoriteach
árd Acrabbim, ón ccarraig agus ó [...]
súas.

CAIB. II.

Tug Aingeal achmhasan don phobal [...] Bóchim. 6. Do chlaonadur an Sluag[...] fós, deís bhàis Josua.

AGus tháinic aingeal an Tighearna [...]
níos ó Ghilgal go Bóchim, agus a
dubhairt, Thug misi oruibh dul súas a[...]
an Négipt, agus thug mé sibh chum a[...]
tíre da mhionnuigh mé da bhur naith[...]
ribh; agus a dubhairt mé, ní bhrisfe m[...]
mo chunnradh ribh choidhche.
2 Agus ní dhéantáoi síothcháin a[...]
bith ré háitreabhaibh na tíresé, teil[...]
fidhe síos a naltóra: achd níor um[...]
luigheabhairse dom ghlór: cred s[...]
ndearnabhair so?
3 Uimesin a dubhairt misi mar a[...]
gcéadna, ní dhibeora amach romh[...]
íad: ach béid ann bhur ttáobh[...]
agus béid a ndée na bpaintear
dhaoibh.
4 Agus tárla núair do labhair
aingeal an Tighearna na briathra so [...]
cloinn

Cloinn Israel uile, gur thógbhadar an
pobal a ngath suas, agus gur ghui-
deadar.
5 Agus do ghoireadar ainm na háite
sin Bochim, agus do rinneadar íodh-
bart annsin don Tighearna.
6 Agus a nuair do leig Josua don pho-
bal imtheachd, do chúaidh gach áon do
chloinn Israel chum a oighreachd féin do
shealbhughadh an nfearuinn.
7 Agus do rinneadar an pobal serbhis
don Tighearna ar feadh shaoghail Josuah
agus ar feadh shaoghail na seanóireadh
do bhí beó a ndiaigh Josua, noch do
chonnairc na huile oibreacha móra do
rinne an Tighearna ar son Israel.
8 Agus fuair Josua mhac Nun serbhí-
seach an Tighearna bás, ar mbeith dhó
céad agus deich mbliadhna dáois.
9 Agus do adhlaiceadar é a nimiol a
oighreachda féin a Ttimnat-héres a
sliabh Ephráim, annsa taobh túaigh don
chnoc Gaas.
10 Agus do bhádar mar an gcéadna
an geinealachsin uile ar na gcruinniughadh
chum a naithreach, agus déirigh sliochd
eile na ndiaighsin, ag nach raibh fios an
Tigheirna, ná fós na ngníomharthadh do
rinne sé ar son Israel.
11 Agus do rinneadar clann Israel olc
a bhfiadhnuisi an Tighearna, agus do
rinneadar seirbhis do Bhaalim.
12 Agus do thréigeadar an Tighear-
na Día a naithreadh, noch thug amach
iad as crích na Hégipte, agus do leana-
dar dée eile do dhéeibh na ndáoine do
bhí gacha taoibh dhíobh, & do chláona-
dar iad féin dóibh, agus do bhrostuighea-
dar an Tighearna chum feirge.
13 Agus do thréigiodar an Ti-
ghearna, agus do adhradar Báal, agus
Astarot.
14 Agus do las fearg an Tighearna a
naghaidh Israel, agus do sheachaid sé
iad a lámhuibh creachadóireadh, noch
do chreach iad, agus do reac sé iad a
lámhuibh a námhad gacha taobh
dhíobh, iondus nar fhéidir leó seasadh ní
budh faide a lathair a námhad.
15 Gidh bé ball a ttéighdis amach, do
bhíodh lámh an Tighearna na naghaidh
chum uilc, mar a dubhairt an Tighearna,
& mar do mhionnuigh an Tighearna
dhoibh: & do buaidhreadh go mór iad.
16 Gidheadh do thóg an Tighearna
breitheamhuin suas, noch do sháor iad ó
lámhoibh na druinge do chreach iad.
17 Achd gidheadh níor umhluigheadar
dá mbreitheamhnuibh, ach do chuádar
lé striapachus a ndiaigh dée oile, agus
do chláonadar iad féin dóibh: do
iompoigheadar go luáth as a tslighe
ann ar shiubhluigheadar a naithre, ag
umhlughadh daithne an Tighearna; ach
ní dhearnadarsan sin.
18 Agus a nuáir do thóg an Tigh-
earna breitheamhúin suas dóibh; annsin
do bhí an Tighearna leisan mbreitheamh
agus do shaór sé iad as lámhuibh a námh-
ad ar feadh bheatha an bhreitheamhuin
(óir do bhí aithreachus ar an Ttighearna
ar son a nuchbhaghadh, do bhrigh na
muintiresin do sháruidh, agus do bhuái-
dhir iad.)
19 Agus tárla a núair fúair an bhrei-
theamh bás, gur iompoigheadar, agus
gur thrúailligheadar iad féin nísa mhó
ná a naithreacha, ag' leanmhuin dée
oile dá nadhradh, agus dumhlughadh
sios dóibh: níor sguireadar dá ngníomh-
radh, nó dá slighe easumhail.
20 Agus do bhí fearg an Tighearna
teith a naghaidh Israel, agus a dubhairt
sé, do chionn gur sháruigheadar an
mhuintirse mo chunnradh, noch do
aithin mé dá naithribh, agus nár éisdea-
dar rem ghlór:
21 Ní dhibeora misi mar an gcéadna ó
so amach éinneach rompa do na cinea-
dhachaibh dfág Josua na dhiaigh a nuair
fuáir sé bás:
22 Iondus go ndearbhocha mé Is-
rael thríothasan, an gcoimhéadfuid
slighe an Tighearna do shiubhal innte,
mar do choimhéadadar a naithreacha, nó
nach déanuid.
23 Uime sin dfulaing an Tighearna na
cineadhachasin gan a ndíbirt amach
go luáth, ní mó thug sé a láimh Josua
iad.

CAIB. III.

Claonadh, buaidhreadh, agus Saoradh Israel sa thrí.

ANois is iad so na cineadhacha,
dfág an Tighearna chum Israel do-
dhearbhadh léo (eadhon an mhéid do
Israel da nar bhaithne cogthuidh Chá-
naain uile.
2 Amháin ionnus go mbiadh a fhios ag
sliochd chloinne Israel cogadh do mhú-
nadh dhóibh, go háirigh don mhéid da
nar bhaithnid éinní dhe.)
3 [Mar atá] cúig Tighearna na
Bhfilistíneach, agus na Canaanitigh uile,
agus na Sidónianuigh, agus na Hibhi-
tigh do áitribh a sliabh Lebanon. ó
shliabh Baal-hermon go nuige dul a
steach go Hámat.
4 Agus do bhádar ann do dhearbhadh
Israel ríu, dféachuin an néisdfidís re ha-
itheantuibh an Tighearna, noch do aithin
sé da naithribh lé láimh Mhaóise.
5 Agus do chomhnuigheadar clann Is-
rael a measc na Gcanaaniteach, na Hiti-
teach, agus na Namoriteach, agus na
Bperisitéach, agus na Hibhiteach, agus
[na] Jebusiteach.
6 Agus ghabhadar a ninghiona na
mnáibh chuca, agus tugadar a nin-
ghiona dá macaibh, agus dadhradar a
ndée.

7 Agus do rinneadar clann Israel
olc a radharc an Tighearna, agus do
dhearmuid síad an Tighearna a Ndía
féin, agus do adhradar Baalim, agus ná
garráin.
8 Uimesin do bhí fearg an Tigh-
earna teasuighe a naghaidh Israel, agus
do reac sé íad a láimh Chusan-Risátaim
Rígh na Mesopotámia, agus do rinnea-
dar clann Israel serbhís do Chusan-Risa-
taim ochd mbliadhna.
9 Agus a nuáir do éighmhiodar clann
Israel ar an TTighearna, do thóg an
Tighearna súas fear sáortha do chloinn
Israel, noch do thárrthuigh íad, eadhon
Otniel mhac Cénas, an dearbhrathair
dob óige ag Cáleb.
10 Agus thainic spiorad an Tighearna
air, agus do bhreathnuidh sé a Nisrael,
agus do chuaidh amach do dhéanamh
cogaidh, agus thug an Tighearna Chus-
an-Risataim Rígh Mhesopotámia ann
a láimh, agus do búadhuigh a lámh a
naghaidh Chusan-Risataim.
11 Agus do bhí súaimhneas ag an ttír
ar feadh dhá fhichthiod bliadhan, a-
gus fuáir Otniel mhac Cénas bás.
12 Agus do chionntuigheadar clann
Israel a rís a radharc an Tíghearna,
agus do neartuigh an Tighearna Eglon
Rígh Moab a naghaidh Israel, do bhrígh
go ndéarnadar olc a radharc an Tigh-
earna.
13 Agus do chrúinnigh sé chuige féin
clann Ammon, agus Amalec, agus
dimthigh sé, agus do bhuail sé Israel,
agus do shealbhuigh cathair na ccrann
bpailme.
14 Mar sin do bhádar clann Israel ag
déanamh serbhísi do Eglon Rígh Moab
ochd mbliadhna déug.
15 Ach a nuair do éighmheadar
clann Israel ar an TTighearna, do
thóg an Tighearna sáorthóir súas dóibh
Ehud mhac Géra, beniamiteach, duine
clé-lámhach, agus do chuireadar clann
Israel tiodhlacadh leis chum Eglon Rígh
Moab.
16 Ach do rinne Ehud daigéar dhá
fháobhar dhó féin ann a raibh cubhad
ar fad, agus do cheangail sé é faoi na
éadach ar a cheathramhuin deis.
17 Agus thug sé an tiodhlacadh chum
Eglon Rígh Moab, agus ba duine ro
mhéaith Eglon.
18 Agus a núair do críochnuigh sé an
tiodhlacadh do thabhairt úadh, do chuir
é ar siubhal an luchd diomchuir an
tiodhlacadh.
19 Ach do fill sé féin a rís ó
na cuiléaruibh do bhí láimh ré Gilgal,
agus a dubhairt sé, Atá teachdaireachd
sheicréideach agam chugad a Rígh:
noch a dubhairt, bí ad thochd; agus a
raibh na seasamh na fóchair uile do
chúadar amach úadh.
20 Agus táinic Ehud chuige, agus do
bhí sé na shuighe a bpárlús samhruigh,
noch do bhí aige dhó féin amháin: a
a dubhairt Ehud, atá teachdaireac
agum ó Dhía chugad: agus déirig
as a chatháoir.
21 Agus do chuir Ehud amach
lámh chlé, agus thúg an daigéar ó
ladhairg dheis, agus do sháith ann
bholgsan é.
22 Agus do chuáidh an dornchu
sleach a ndiaigh na lainne, agus do l
an bhlunag don lainn, ionnus nár f
sé an daigéar do tharraing as a bho
agus thainic an salchar amach.
23 Annsin do chuáidh Ehud amach
thríd an bpóirsi, agus do dhruid
doirse an phárlúis air, agus do chuir
orra.
24 A nuair do chuaidh sé amach, ta
gadar a mhuintir, agus a nuair do
chonncadar, féuch go raibh doirs a
phárlúis druite, dubhradar, go deimhin
do fholuigh sé a chosa ann a sheomra
samhruigh.
25 Agus do fhanadar nó go madh
naír leó, agus féuch, nior fhosgail sé
doirse an phárlúis: uimesin do ghla-
dar eochair, agus do fhosgladar, agus
féuch, do bhí a Ttighearna ar tuitim
marbh air talumh
26 Agus an fad do bhádar ag fa-
reach, do chúaidh Ehud as; agus do-
thigh sé thair na coilearuibh, agus do
chuáidh sé as go Seriat.
27 Agus tárla a nuair tháinic sé, go
sheid sé stoc air shlíabh Ephraim: agus
do chúadar clann Israel síos leis ón
tslíabh, agus eision rompa.
28 Agus a dubhairt sé riú, leanaidh
misi: oir thug an Tighearna na Moab-
tigh bhur naimhde ann bhur láimh, & do
chuadar síos na dhiáigh: agus do gh-
bhadar áthanna Iordan leath re Moab,
agus níor léigeadar duine thairis.
29 Agus do mharbhadar do Mhoab a
nuair sin timchioll dheich míle fear, du-
ine neartmhara agus gaisgeamhla uile;
agus ní dheachaidh éanduine as.
30 Marsin do cláoidheadh Moab an lá
sin faoi lamhuibh Israel, agus do bhí an
tír suáimhneach ochdmhodhad bliadhan.
31 Agus na dhíaighsin do bhí Samgar
mhac Anat, noch do mharbh do na Phi-
listíneachaibh sé ceúd fear le cleithphr-
oca damh, agus do sháor seision Israel
mar an gcéadna.

CAIB. IV.

Claonadh oile an phobuil. 2 Foirrneart Jabin agus Shisera. 4. Comhfhuasgladh tré Dhebórah agus Bhárac.

AGus do rinneadar clann Israel a rís
olc a radharc an Tighearna a nuair
do éug Ehud.
2 Agus do reac an Tighearna íad a
láimh Jábin Rígh Cánaan, noch ba Rígh ar
Hatsor;

...n; ba hé Caiptín a ſhlóigh,
...n noch dáitreibh ann Haroſet na
...teadh.
3 Agus déighmheadar clann Iſrael
... an Tighearna, óir do bhí aige naói
... carbad iaruinn: agus do ſháruigh
go hanmhór clann Iſrael fhithche
...bliadhan.
4 Agus Deborah banfháigh, bean
...pidot, dob iſi ſí bhreiteamh ar Iſrael
...annſin.
5 Agus do bhí ſí na comhnuighe fáoi
...chrann pailme Dheborah, eidir Rámah
agus Bétel a ſliabh Ephraim: agus tan-
...gadar clann Iſrael chuice ſúas dfaghháil
bhreitheamhnuis:
6 Agus do chuir ſí fios, agus
do ghoir ſí Bárac mhac Abinoam
amach as Cedes-naphtali, agus a
dubhairt ſí ris; a né nar aithin
an Tighearna Día Iſrael, Eirghidh
agus tarruigh leath ré ſliabh Tá-
bor, agus beir leachd deich míle fear
do chloinn Naphtalí, agus do chloinn
Sebulun?
7 Agus tairreonga miſi ad cheann
gus a nabhuinn Ciſon, Siſera Caiptín
ſlóigh Jábin maille re na charbaduibh,
agus le na toirtheaſtal; agus do bhéara
mé ad láimhſi é.
8 Agus a dubhairt Bárac ria; má
théid tuſa liom, annſin racha mé ann:
ach muna ndeachuidh tuſa liom, ní racha
mé ann.
9 Agus a dubhairt ſiſi; racha miſi
leachd go deimhin, gidheadh an turus
ghébhus tú ad láimh ní bhiáidh mar
onóir dhuitſi: óir reacſaidh an Tigh-
earna Siſera a láimh mhná; agus déi-
righ Deborah, agus do chuáidh le Bá-
rac go Cédes.
10 Agus do ghoir Bárac Sebulun,
agus Naphtali go Cédes, agus do chu-
áidh ſé ſúas maille re deich míle fear
le na chois; agus do chuáidh Deborah
ſúas leis.
11 Annois do dhealuigh Héber an
Ceniteach é féin ó na Ceniteachuibh, noch
do bhí do chloinn Hóbab cliamhuin
Mhaóiſe, agus do ſhuidhigh a fhoſlung-
phort go nuige réiteach Saanaim, noch
atá láimh ré Cédes.
12 Agus do fhoillſigheadar do Shi-
ſera; go ndeachaidh Bárac mhac Abi-
noam ſúas go ſliabh Tábor.
13 Agus do chruinnigh Siſera a
bhfochair a chéile a charbuid uile,
eadhon naói gcéad carbad íaruinn, agus
a muile dhuine da raibh na fhochair ó
Haſoret na ngeinteadh go nuige a nabh-
uinn Ciſon.
14 Agus a dubhairt Deborah re
Bárac, éirigh ſúas: óir a ſé ſo an lá
ar thoirbhir an Tighearna Siſera ad
láimh: a né nach deachuidh an Tighear-
na amach romhad? Marſin do chuáidh
Bárac ſios ó ſhliábh Tábor, agus deich
míle fear ná dhiáigh.
15 Agus do chlaóidh an Tighearna
Siſera, agus a charbuid uile, agus a
ſhlúagh uile le fáobhar an chloidhimh
roimhe Bhárac, ionnus gur thuirling Si-
ſera as a charbad ſios, agus gur theith
a luas a chos.
16 Ach do lean Bárac a ndiáigh
na gcarbad, agus a ndiaigh an tſlóigh
go Haroſet na ngeinteadh, agus do
thuit ſlúagh Shiſera uile le faobhar an
chloidhimh, agus níor ſágbhadh duine
dhíobh.
17 Gidheadh do theith Siſera ar a
choſuibh go lóiſtín Jael bean Heber an
Ceniteach: óir do bhí ſiothcháin idir
Jabin Rígh Háſor, agus tigh Héber an
Ceniteach.
18 Agus do chuáidh Jael amach a
gcoinne Shiſera, agus a dubhairt ris,
fill a ſteach a Thighearna, fill a ſteach
chugamſa, ná bíodh eagla ort: agus a
nuáir do fhill ſé a ſteach chuice da ló-
iſtín dfoluigh ſí é lé falluing.
19 Agus a dubhairt ſé ría, gui-
dhim thú, tabhair dhamh beagán uisge
ré a ól, óir atá tart orm: agus dfoſ-
cuil ſiſi buidéal bainne, agus thug
dhóſan deoch, agus do dheaſuigh éadach
thairis.
20 A ris a dubhairt ſé ría, ſeas a
ndorus an tighe, agus is amhluigh
bhías, má thig duine ar bith, a-
gus fhiafrochus díot, agus déarus, an
bhfuil éanduine annſo? déara tuſa, ní
bhfuil.
21 Annſin do ghlac Jael bean Héber
táirrnge don phaillíum, agus do ghlac
geannaire na láimh, agus do chuáidh go
mín chuige, agus do bhuáil an táirnge
iona chamóig ara, agus do dhaingnidh
annſa talumh é: (óir do bhí ſé na ſhúan
chodalta agus curtha:) mar ſin fuáir ſé
bás.
22 Agus féuch, mar do bhí Bárac
ag leanmhuin Shiſera, tháinic Jael amach
na choinne, agus a dubhairt ſí ris,
tárr, agus taisbeanfuidh miſi an duine
dhuit ataói díarruigh: agus a nuáir
tháinic ſé dá lóiſtín, féuch do bhí Siſera
na luidhe marbh, agus do bhí an
táirrnge iona chamóig ara.
23 Mar ſin do chlaoidh Día an lá
ſin Jabin Rígh Cánaan roimhe chloinn
Iſrael, agus rugadar buáidh air Jabin
Rígh Cánaan nó gur ſcrioſadar Jábin
Rígh Cánaan.

CAIB. V.

*Dán Chaithreamach Dhebórah agus Bhá-
rac.*

AN ſin do chán Deborah, agus
Bárac mhac Abinoam an lá ſin,
dha rádh.
2 Moluighſi an Tighearna, do chionn
dioghaltais

dioghaltais Israel, á nuair do thoir-
bhriodar na daoine iad féin go toi-
leamhuil.
3 Eistighe a Righthe, tugaidh aire a
phrionnsuidhe; canfuidh misi, misi féin
don Tighearna, canfuidh mé moladh don
Tighearna Día Israel.
4 A Thighearna, a nuair do chuáidh
tú amach as Seir, a nuáir do chuáidh tú
ar haghaidh as machaire Edom do
chriothnuigh an talamh, agus do silea-
dar na neamha, agus na neóill mar an
gcéadna do shileadar uisge.
5 Do Leaghadar na sléibhte,
roimhe ghnúis an Tighearna, Sinai
féin roimhe ghnúis an Tighearna
Día Israel.
6 A Láethibh Shamgar mhic Anat,
a láethibh Jaél do bhádar na slighthe
móra gan tathuighe, agus do shiubhlui-
ghedis luchd imtheachda na sligheadh a
róduibh seachránacha.
7 Do sguireadar áitreabhuigh na
mbailteadh, do sguireadar a Nisrael, nó
gur éirigh mé am mhathair a Nisrael.
8 Do thoghadar Dée oile nuadha,
annsin do bhí an cogadh ansna doirsibh:
an bhfacus sgiath, nó gath a measc
cheathrachad míle a Nisrael?
9 Atá dúil mo chroidhe a nuachda-
ránuibh Israel, noch do thoirbhir iad
féin go toileamhuil a measg an phobail:
beannuighi si an Tighearna.
10 Labhradh sibhsi do ní marcuighe-
áchd ar assaluibh bána, a luchd shuidhios
a mbreitheamhnus, agus shiubhluighios
an tslighe.
11 (An drong do shaoradh) ar
fhuáim na saighdeoradh a náitibh
tairngthe a nuisge; ann sin foillseochuid
siad gníomhradh fíreanta an Tighear-
na, eadhon na gníomha fíreanta a ttaobh
áitreabhach a bhailteadh a Nisrael: annsin
rachaidh pobal an Tighearna síos gus na
geatadhuibh.
12 Múscail, Múscail a Dheborah:
múscuil, múscuil, can dán: éirigh a
Bhárac, agus tréoruidh do bhraighdi-
onus a mbruid, thusa a mhic Abi-
noam.
13 Annsin thug sé ar an té mhairi-
os, go mbiáidh uachdaránachd aige ós
cionn na nuasal a measg an phobail:
thug an Tighéarna orumsa tighearnus
do bheith agam ós gionn na gcumh-
achdach.
14 Amach as Ephraim do bhí
fréamh dhíobh a naghaidh Amalec;
ad dhiáigh si a Bhenjamin a measg
do phobail; amach as Machir
thangadar uachdaráin a núas, a-
gus amach as Sebulun thainic an
drong ghlacus peann an scríbhné-
ora.
15 Agus do bhádar prionnsuidhe
Issachar a bhfochair Dheborah, eadhon
Issachar féin, agus Bárac mar an
ccéadna, do cuireadh dha chois
chum an ghleanna é: air son n-
Reuben do bhádar smuaintighe
croidhe.
16 Cred fá ndéarnuis comh-
a measg bhánrach na gcáorach
sleachd re méiligh na ttréud? ar
ronna Reuben do bhí spíonadh
croidhe.
17 Do rinne Gilead comhn-
taobh thall do Jordan; agus cred
fhan Dan a loingios? do rinne
comhnuighe ar thráigh na fairge,
do fhan anna bhéarnuibh.
18 Agus bá dáoine Sebulun,
Naphtali do chuir a nanmanna
ghal go bás a náitibh árda an mhach-
19 Tangadar na Righthe, agus
throideadar; annsin do throid-
Righthe Cánaan a Dtáanac láimh
huisgidhibh Mhegiddon; níor ghabh-
éadáil ar bith airgid.
20 Do throideadar ó fhlaitheamh-
do chathuigheadar na réulta ann a sl-
thibh a naghaidh Shisera.
21 Do fhuaduigh an abhann C-
le iad, an tseanabhannsin, a nabhann C-
son: ó mo anum, do shaltuir tú sín
neart.
22 Annsin do briseadh inne n
neach, do bhrígh a niomráaguidh,
ráagadh a neach árra..hda.
23 Malluighidhsi Méros (do r
aingeal an Tighearna) malluighidhsi
deanachdach a háitreabhuigh: do
nach dtangadar a ccabhair an Tighea-
a naghaidh na ccumhachdach.
24 Budh beannuigh bhias Jael ós c
na mban, bean Heber an Ceniteach,
beannuigh í ós cionn bhan ansa b
25 Diarr sé uisge, agus thug s
bainne dhó, thug si im amach a
thighearnamhuil.
26 Do chuir si a lámh ansa ti
agus a lámh dheas ar gheannaire
brigheadh: agus do bhuáil si S
leis an ngeannaire, do gheárr si a
cheann de, a nuair do tholl si,
gus do bhuail si é tre na cha
ara.
27 Dumhluigh sé agá cosuibh,
thuit sé, do luigh se síos: agá c
do umhluigh sé, do thuit sé,
ar chláon sé, annsin do thuit sé s
marbh.
28 Dféuch mathair Shisera amach
fhuinneóig, agus do éigh thríd an l
tís, cred fá bhfuil a charbad an fad
ag teachd? Cred fá bhfanuid rithle
a charbad?
29 Do fhreagradar a baintighear-
glioca í, fós do fhreagair sí
féin.
30 Nach rugadar búaidh? nach
roinneadar a néadáil, da gach ean
cailin no dhó; do Shisera éadáil iold-
thach, éadáil ioldhathach dobair
aide, ioldhathach dobair fhnath-
air gach táoibh, fhá bhraighdibh
luchd éadala.
31 Maraío

31 Marsin a Thighearna go gcláoidhfid do naimhde uile: ach biodh an [illegible]id ler bionmhuin é, mar an ngrein a [illegible] éirghios súas iona neart. Agus do [illegible] suaimhnios ansa talumh ceathrachad [illegible]dhan.

CAIB. VI.

[illegible]lasnadh oile an phobuil on Tighearna. 2 Bhuail na Midianuigh iad. 11 Do chuir aingeal Dé Gideon dá nsaoradh.

AGus do rinneadar clann Israel olc a bhfiaghnuisi an Tighearna, agus thug an Tighearna iad a láimh Mhídian ar feadh sheachd mblíadhan.

2 Agus rug lámh Mhidian búaidh a naghaidh Israel, agus air eagla na Midianach do rinneadar clann Israel dhóibh féin na húamha atá an sna sléibhtibh, agus na cúasa agus na daingneacha láidre.

3 Agus is amhluidh bhí, a nuáir do chuir Israel síol, go ttangadar na Midianuigh súas, agus na Hamalecitigh, agus clanna a noirthear, thangadar súas na naghaidh.

4 Agus do shuigheadar foslungphort na naghaidh, agus do mhilleadar biseach na talmhan, nó go ttí tú go Gása, agus níor fhágbhadar beatha ar bith ag Israel, cáoirigh, nó daimh, nó assail.

5 Oír thangadar súas maille re na máoin, agus le na ttighthibh, & tangadar amhuil Lócuistigh ar líonmhaireachd, óir do bhádar féin araon, agus a ccamhuill doáirmhigh, agus do chuadar a steach don tír dá hargain:

6 Agus do bochduigheadh Israel go romhór, do bhrígh na Mídianach, agus do éighmheadar clann Israel ar an TTighearna.

7 Agus tárla a núair déighmheadar clann Israel chum an Tighearna do bhrígh na Mídianach.

8 Gur chuir an Tighearna fáidh chum cloinne Israel, noch a dubhairt ríú, mar so a dubhairt Tighearna Día Israel, thug misi súas ó Négipt sibh, agus thug mé amach sibh as tigh na dáoirsi.

9 Agus do sháor mé sibh as láimh na Négiptach, agus as láimh gach a raibh trom oruibh, agus do thiomáin me amach romhuibh iad, agus thug mé a ndúithche dhibhse.

10 Agus a dubhairt mé ribh, Is misi bhur TTighearna Día, ná biodh eagla dé na Namoriteach oruibh, ag a bhfuiltí bhur ccomhnuighe iona ndúithche: ach níor umhluigheabhair dom ghlór.

11 Agus táinic aingeal ón TTighearna, agus dó shuigh fáoi dharuigh noch do bhí ann Ophrah, noch ba lé Joas an Tabí-esríteach, agus do bhí a mhac Gidéon ag búaladh cruineachda láimh ré hionad brúite an nfíona, dhá fholach ar na Midianchaibh.

12 Agus do thaibhreadh aingeal an Tighearna dhó, agus a dubhairt sé ris, Atá an Tighearna maille leachd a dhuine neartmhair a ngaisgidh.

13 Agus à dubhairt Gidéon ris, oh mo Thighearna, má atá an Tighearna maille rinn, cred fa tteagmhann so uile dhúinn? agus cáit a bhfuilid a mhiorbhuile, noch do innseadar ar naithreacha dhuinn, dhá rádh, nach ttug an Tighearna a níos ón Négipt sinn? achd annois do thréig an Tighearna sinn, agus do sheachaid sé sinn a lámhuibh na Mídianach.

14 Agus dféuch an Tighearna air, agus a dubhairt, éirigh annso ann do neart, agus saorfuigh tú Israel ó lámhuibh na Mídianach: nach ar chuir misi uáim thú?

15 Agus a dubhairt seision ris, ó mó Thighearna, cred le ttárrthocha mé Israel; féuch atá mo mhuintir bochd a Manasseh, agus is mé féin is lugha a ttigh mathar.

16 Agus a dubhairt an Tighearna ris, ís deimhin go mbíaidh misi leachd, agus buáilfidh tú na Mídianuigh amhuil éanduine amháin.

17 Agus a dubhairt seision ris, ma fúair mé grása annois ad radharc, ann sin taisbein comhartha dhamh, go labhrann tú riom.

18 Guidhim thú, ná himthigh as so no go ttí mé chugad, agus go ttuga mé amach mo ofráil bhídh, agus go ccuirfidh me í as do choinne: agus a dubhairt seision, fanfuidh mé nó go ttí tú a rís.

19 Agus do chúaidh Gidéon a steach, agus do ghléas sé meannán do na gabhruibh, agus cácuidhe gan loibhin do Ephah phluir: do chuir sé a nfeóil a mbascaéd, agus do chuir an tanbhruith a bpota, agus thug se chuige é faoi an daruigh, agus do thairg é.

20 Agus a dubhairt aingeal Dé ris, glac a nféoil, agus na haráin gan loibhin, agus cuir air an Gcarruigse íad, agus doirt amach an tanbhruith: agus do rinne sé sin.

21 Agus annsin do chuir aingeal an Tighearna ceann an bh[illegible]ta do bhí na láimh amach, agus do bhean ris an bhféoil agus na haránuibh gan loibhín: agus do éirigh teinidh súas as an gcarruig, agus do loisg a nfeóil agus na bairghiona gan loibhin; annsin dimthigh aingeal an Tighearna as a amharc.

22 Agus a núair thuig Gideon gur bé aingeal Dé é, a dubhairt Gideon, Uch a Thighearna Día; do chionn go bhfaca mé aingeal an Tighearna aghaidh ar aghaidh.

23 Agus a dubhairt an Tighearna ris,
ſíothchain maille leachd, ná bíodh eagla
ort, ní bhfuighe tú bás.
24 Ann ſin do thóg Gideon Altóir
don Thighearna air a náitſin, agus do
ghoir Jehobhah-Salom dhi: gus an lá
a niúgh atáſi fós ann Ophrah na Nabi-
eſríteach.
25 Agus tárla a noidhchesin féin go
ndubhairt an Tighearna ris, glac bu-
lóg óg hathar, eadhon an dara bulóg do
ſheachd mbliadhnuibh dáois, agus teilg
ſíos Altóir Bhaal ata ag hathair, agus
gearr ſíos a nfáſchoill gharráin atá
láimh ris:
26 Agus déana altóir dot Thigh-
earna Día ar mhullach na cairgeſi ann
ſa náit dhaingin, agus glac an dara col-
pach, agus ofráil íodhbuirt loiſge le
cunnadh na coilleadh noch ghéarrſas thú
ſíos.
27 Ann ſin rug Gidéon deichneamhar
fear dá ſherbhíſeachaibh leis, agus do
rinne mar a dubhairt an Tighearna ris:
agus is amhluidh bhí, do chionn gur
bheagail leis muintir a athar, agus muin-
tir na caithreacha, nach ar fhéad ſé do
dhéanamh ſan ló, go ndéarna ſan noidh-
che é.
28 Agus a nuair do éirgheadar
muintir na caithreach go moch ar
mhaidin, feach do bhí altóir Bháal ar na
teilgion ſíos, agus do gearradh ſíos
an choill do bhí láimh ría: agus do
híodhbradh an dara bulóg air a nal-
tóir do thógbhadh.
29 Agus a dubhairt gach aon aca re
chéile, cía rinne an niſe? agus a nuair
do ſpionadar, agus dfiafruigheadar, a
dubhradar, A ſé Gideon mhac Jóas do
rinne ſo.
30 Ann ſin a dubhradar muintir na
caithreach re Jóas, tabhair amach do
mhac go bhfuighe ſé bás, do chionn gur
bhris ſe ſíos altóir Bháal, agus do chionn
gur ghearr ſé ſíos an choill do bhí láimh
ris.
31 Agus a dubhairt Joas re ar
ſheas na ághaidh uile; A ndéanfaói
tagra ar ſon Bháal? an gcuimhdeocha
ſibhſe é? an té thaigeorus ar a ſhon
cuirthear cum báis é, an feadh atá fós
na mhaidin: más Día e, tagradh ſé ar
a ſhon féin, do chionn gur theilg duine
a altóir ſíos.
32 Ar a nadhbharſin do ghoir ſé Je-
rubbaal de an láſin, gha rádh, Déan-
adh Baal ttagra na aghaidh, do
chionn ghur theilg ſé a altóir
ſíos.
33 Annſin do bhádar na Midianuigh
uile, agus na Hamalecitigh, agus
clanna a noirthear ar na gcruinniughadh
a bhfochair a chéile, agus do chúadar
anonn agus do ſhuigheadar a ngleann
Jeſreel.
34 Ach táinic ſpiorad an Tigh-
earna ar Ghideon, agus do ſhéid ſé a
a ſtoc, agus do chruinnigh Abi
dhiáigh.
35 Agus do chuir ſé teach
fad Mhanaſſeh uile, noch do bhí
an gcéadna ar na gcruinniugh
dhiáigh, agus do chuir teachda go
agus go Sebulun, agus go N
li, agus tangadar a nſio
choinne.
36 Agus a dubhairt Gideon re
ma thárrthuighionn tú Iſrael lem l
ſa mair a dubhairt tú.
37 Féach, cuirſe mé lomradh
air a nurlár, agus ma bhíonn d
ar an lomradh amháin agus go m
talumh uile tírim, ann ſin bhiaſa
agam go ttárrthocha tú Iſrael
láimhſi, mar a dubhairt thú.
38 Agus do bhí mar ſin: óir
éirigh ſé go moch ar na mhárach,
do dhlúthaigh ſé re chéile an lomr
agus dſáiſg do dhrúchd as an lomr
lán ſcála duiſge.
39 Agus a dubhairt Gideon
Día, ná laſadh thfearg a magh
gus ní laibheora mé acht ſo
guidhim thú, ná dearbhuim
néanuáirſe eile leis a lomradh;
tiormach ar a lomradh amháin,
bíodh drúchd ar an ttalumh uile.
40 Agus do rinne Día ſin a
chesin: óir do bhí an tiormach air
lomradh amháin, agus drúchd air
ttalumh uile.

CAIB. VII.

Slógh Joſua 32000. 16 *Ar*
inntleachd ar na Midianchaibh, do
aigh ſé orra.

ANn ſin do éirigh ſúas Jerubbaal
ſin Gideon, agus an pobal do
na fhochair, go moch, agus do
gheadar láimh re tobar Harod:
go raibh ſlúagh na Midianach don
thuáigh dhiobh, láimh re cnoc
annſa ghleann.
2 Agus a dubhairt an Tighearna
Gideon, ataid na daoineſi ad fhoch
ro iomadamhuil damhſa re thabh
Midianach ann a lámhuibh,
mbeith úabhar ar Iſrael am
gha rádh, ſí mo lámh féin do
thuigh mé.
3 Annois ar a nádhbharſin
ort, ſúagair a gcluaſuibh na ndao
gha rádh, gidh bé air a
uamhan nó eagla, filleadh ſé,
thigheadh go moch ó ſhliabh G
agus do fhill annſin do phobal,
mhíle agus fithche, agus dfanadar
míle.
4 Agus a dubhairt an Tighearna
Gideon, ataid an ſlúagh ro lí

tabhair leachd ſios iad chum a
uisge, agus teiſteochadſa andſin duit
iad: agus is amhluigh bhías gidh bé
dá ndéara miſi, imthigheadh an
fear ſo leachd, rachuidh an fearſin le-
achd, agus gidh bé ar a ndeara mé, ná
himthigheadh an fearſa leachd, ní ra-
chaidh an fearſin leachd.
5 Marſin thug ſé a nuas na daóine
chum a uiſge, agus a dubhairt an Ti-
ghearna ré Gideon: gach áon dá
lighfidh ſíos an tuiſge le na theangaidh
mar do dhéanadh madradh, cuirfe tú an
fear ſin ar leith; mar an gcéadna gach
aon dá ccromann ſíos ar a ghlúinibh
dól dighe.
6 Agus uibhir na ndáoine do thar-
ruing le na dteangaidh an tuiſge ag cur
a láimhe chum a mbeóil, bá trí chead
fear: achd an chuid eile uile don pho-
bal, do chromadar ſíos ar a nglúinibh
dól uiſge.
7 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Gideon, is leis na trí chéud fear do
ligh ſíos [an tuiſge] thárrthochus mé
ſibh, agus thoirbheorus mé na Mi-
dianuigh ann do láimh, agus im-
thigheadh cách uile gach áon díobh dá
áit féin.
8 Mar ſin do rug an pobal lónn
leo iona lámhuibh, agus a ſtuic: a-
gus do chuir ſé an chuid eile Dhiſrael
gach áon díobh dá lóiſtín, agus do
chongbhuigh na trí chéad fearſin; agus
do bhí ſluagh Mhidian táobh ſhíos díobh
annſa ghleann.
9 Agus tárla a noidhche ſin féin,
go ndubhairt an Tighearna ris, éirigh
ſíos a gcionn an tſlóigh: óir thug miſi
ad láimh é.
10 Ach má bhíonn eagla ort dul ſíos,
éirigh le Phúrah do ſheirbhiſeach ſíos
chum an tſlóigh.
11 Agus cluinfidh tú cred a déaruid
ſiad, agus na dhiáigh ſin neartochar
do lámha do dhul ſíos chum an tſlóigh.
Annſin do chuáidh ſé ſíos lé Phurah a
ſhearbhfoghantuigh gus an gcuid amuigh
do na daoinibh armtha, do bhí ſan
tſlúagh.
12 Agus do bhadar na Midianuigh,
agus na Hamalecitigh, agus clann
a noirthir uile ar feadh an ghleanna
amhuil lócuiſtigh ar líonmhaireachd;
agus do bhádar a gcámhuill dóáirmhigh
mar an ngaineamh ar thráigh na fairge
ar iomadamhlachd.
13 Agus a nuair tháinic Gideon,
féach do bhí duine dinnis aiſling dhá
chumpánach; agus a dubhairt, féach, do
chonnairc mé aiſling, agus féach tháinic
bairghin dáran eórna a meaſc ſhluáigh
Mhidian, agus thainic go páilliun áirigh,
agus do bhuáil é nó gur thuit ſé, agus
do theilg bun ós cionn é, gur ſhín é ar
an ttalamh.
14 Agus do fhreagair a chompánach
agus a dubhairt, ni ní ar bith oile
ſo ach cloídhiomh Ghideon mhic Jóas,
duine do Iſrael, óir thug Día Midian
iona láimh, agus an ſluagh uile.
15 Agus is amhluigh do bhí a nuáir
do chúala Gideon innſin na haiſlinge,
agus a heidirmhíniughadh, go ndearna
adhradh, agus gur iompóigh go ſlúagh
Iſrael, agus go ndubhairt, éirghidhe,
óir thug an Tighearna ſlúagh Mhidian
ann bhur láimh.
16 Agus do roinn ſé na trí chéad
fear a ttrí ccuideachduibh, agus do
chuir ſtoc a láimh gach áonduine maille
re ſoithighibh folmha, agus tóirſeadha
annſna ſoithighibh.
17 Agus a dubhairt ſé ríu, féachuidh
ormſa, agus déanuidh mar an gcéadna:
agus féach, a nuair thiocfas mé táobh
amuigh don champa, is amhluigh bhías,
mar do dhéana miſi, is mar ſin do
dhéantáoiſe.
18 A nuair ſhéidfios miſi ſtoc, mé
féin agus a bhfuil am fhochair, ann
ſin ſeidighſi na ſtuic mar an gcéadna ar
gach uile tháobh don champa, agus ab-
raidh [Cloidhiomh] an Tighearna agus
Ghideon.
19 Marſin thainic Gideon, agus an
céad do bhí na fhochair don táobh am-
uigh don champa a ttoſach na faire mea-
dhonuigh; agus ní mó ná gairid roimhe
do chuireadar a nfaire amach, agus do
ſhéidiodar na ſtoic, agus do bhriſiodar
na ſoithighe do bhí na lámhuibh.
20 Agus do ſhéideadar na trí chuide-
achda na ſtuic, agus do bhriſiodar na
ſoithighe, agus do chongmhadar na tóir-
ſeacha iona lámhuibh clé, agus na ſtuic
iona lámhuibh deaſa chum ſéidthe: agus
do gháireadar, Cloidheamh an Tighearna
agus Ghideon.
21 Agus do ſheas gach éanduine na
áit féin timchioll an champa, agus do
rithiodar an ſlúagh uile, agus do éigh-
mhiodar, agus do theithiodar.
22 Agus do ſhéidiodar na trí chéad
na ſtuic, agus diompóigh an Tighearna
cloidhiomh gach éan duine dhíobh a
naghaidh a chumpánuigh ar fad an cham-
pa uile: agus do theith an ſlúagh go
Betſitah ann Sererat, agus go teó-
ruinn Abel-meholah go nuige Tab-
bat.
23 Agus do chruinnigheadar muintir
Iſrael iad féin a ccionn a cheile as
Naphtali, agus Mhanaſſeh uile, a-
gus do leanadar a ndiaigh na Mi-
dianach.
24 Agus dó chuir Gideon teachda
ar feadh ſhléibhe Ephraim, gha rádh,
tigidh a nuas a naghaidh na Midia-
nach, agus gabhuibh rompa na huiſgidhe
go Bet-barah, agus go Jordan. Ann ſin
do chruinnigheadar muintir Ephraim
iad féin a cceann a chéile, agus do gha-
bhadar na huiſgidhe go Bet-barah, agus
go Jordan.
25 Agus do ghabhadar dias do phri-
omhſachaibh

onnſadhuibh na Mídianach, Oreb agus Seeb; agus do mharbhadar Oreb ar charruic Oreb, agus do mharbhadar Seeb a ccantáoir fhíona Sheeb: agus do leanadar Mídian, agus tugadar Cinn Oreb agus Sheeb leó go Gideon don taibh oile do Jordan.

CAIB. VIII.

Fearg chloinne Ephraim ré Gideon ar na cur far ccúl. 24 An combartha buaghmhur na chuap tuiſlidh dón phobal.

AGus a dubhradar fir Ephraim ris, créd é an ní ſo do rinne tú oruinn, nach ar ghoir tú oruinn, a nuair do throid tú ris na Mídianuibh? agus do cháineadar é go géar.

2 Agus a dubhairt ſéiſion riú, cred do rinne mé a nois a gcoimhmeas ribhſi? a né nach fearr dioghluim cháor Ephraim nó cruinniughadh iomlán cháor Abieſer?

3 Thug Día ann bhur lámhuibhſi Prionnſuidhe Mhídian, Oreb agus Seeb, agus cred do fhéad miſi dhéanamh a gcomóradh ribhſe? annſin do laghduigheadh a bhfearg ris, a nuair a dubhairt ſe ſin.

4 Agus táinic Gideon go Jordan, agus do chuáidh ſé thairis, é féin agus na trí chéad fear do bhí na fhochair, (agus iad) curtha, gidheadh dá leanmhuinſion.

5 Agus a dubhairt ſé ré muinntir Shuccot, guidhim ſibh tugaidh bairghiona aráin don mhuinntir leanus mé, óir atáid ſiad curtha, agus atáim ag tóruigheachd a ndiaigh Shébah agus Shalmunna, Righthe Mídian.

6 Agus a dubhradar prionnſuidhe Shuccot, an bhfuilid lámha Shébah agus Shalmunna annois ad láimhſi as a ttiubhramáois aran dot ſhlúágh.

7 Agus a dubhairt Gideon, uimeſin a nuair bhéaras an Tighearna Sébah agus Salmunna am láimhſi, annſin réabfa mé bhur bhféoilſe le dealguibh, agus lé dreaſuibh an nfáſuigh.

8 Agus do chuáidh ſé ſúas as ſin go Penuel, agus do labhair ríu mar an ccéadna: agus do fhreagradar muintir Phenuel é, mar do fhreagradar muintir Shuccot.

9 Agus do labhair ſé mar an gcéadna ré muintir Phenuel, ghá rádh, a nuáir thiocfas mé a rís a ſíothcháin, briſfe mé an torſo ſíos.

10 Annois do bhí Sébah agus Salmunna ann Carcor, agus a ſlúagh na bhfochair, timchioll chúig mile déag fear, an mhéid do fágbhadh do ſhluaghuibh chloinne a noirthir uile? óir do thuit díobh céad ar fhithchid míle fear do tharruing cloidheamh.

11 Agus do chuáidh Gideon ſúas tſlighe láimh ris an luchd aitreabh lóiſtinnibh ar an ttáoibh ſhoir do bah, agus do Jogbehah, agus do bh an ſlúagh: óir do bhí an ſlúagh n choimheadach.

12 Agus a nuáir do theith Séb gus Salmunna, do lean ſé íad, ag ghabh ſé dhá Rígh Mídian, agus Salmunna, agus do chlaóidh ſlúagh uile;

13 Agus díompóigh Gideon Joas ón chath ſuil do éirígh grían.

14 Agus rug ſé ar ógánach mhuintir Shuccot, agus dfia ſcéula dhe: agus do ſcríobh prionnſuidhe Shuccot, agus a ſir, eadhon ſeachd bhfir dhéag ar fithchid.

15 Agus thainic ſé go Shuccot, agus a dubhairt, Féch Sébah agus Salmunna, le air maòidheamh orumſa, dha rádh, bhfuilid lámha Shébah agus Shal nois ann do láimhſi, as a tt maóiſne arán dot mhuintir curtha.

16 Agus do ghlac ſé ſinnſir na c threach, agus droighion an agus driſéoga, agus do muintir Shuccot léo ſin.

17 Agus do bhris ſé *ſíos tor P* nuel, agus do mharbh ſé muintir caithreach.

18 Ann ſin a dubhairt ſeiſion Sébah agus re Salmunna, cred tſamhuil dhaoine an luchd do mh bhair a TTábor? & do fhreagrad ghá rádh, daoine mar atá tuſa, is do bhádarſion, gach aon díobh a ſamhlachd chloinne Rígh.

19 Agus a dubhairt ſeiſion, iadſin mo dhearbhráithreſi, mhathar: martá an Tighearn da ſabháladh ſibh béo íad ſin, ní finnſi ſibhſi.

20 Agus a dubhairt ſeiſion le a chéaidghin, éirigh ſúas, marbh ach nior tharruing an tógánach chloidhiomh: óir do bhí eagla air, bhrígh go raibh fós na ógánach.

21 Annſin a dubhairt Sébah Salmunna, éirigh féin, agus marbh óir mar bhíos an duine, is mar bhíos a neart. Agus déirigh G agus do mharbh Sébah agus Sal agus rug leis na neithe deaghmha do bhí ar bhraighdibh a ccámhall.

22 Ann ſin a dubhradar muintir ré Gideon, ríaghluidhſi ós ar c araon thú féin, agus do mhac, & m mhic mar an gcéadna: óir do ſháo ſinn ó láimh Mhídian.

23 Agus a dubhairt Gideon rí ríaghlochuidh miſi ós bhur ní mó ríaghlochus mo mhac ós bh onn: ſé an Tighearna ríaghlóch bhur ccionn.

24 Agus a dubhairt Gideon ríu, díarr-
fam impidhe oruibh, go ttugadh gach
aon agaibh dhamh clúasfháinnidhe a éa-
dala: óir do bhádar fáinnidhe óir aca
ann a gclúasaibh, do chionn gur bhudh
Ismaelitigh iad.
25 Agus do fhreagradarsan é ghá
rádh, do bhéarum uainn íad go toiltea-
nach; agus do shíneadar éadach, agus
do theilgeadar ann, gach aon fa leith,
clúasfháinnidhe a éadala.
26 Agus dob é comhthrom na cclú-
asfháinneadh óir díarr sé orra, mile
agus seachd gcéad secel óir, táobh am-
uigh do dheaghmhaisighibh, agus do
choiléruibh, agus déadach purpuir, noch
do bhí ar Righthibh Midian, agus ta-
obh amuigh do na slabhraghuibh do bhí
fa bhraighdibh a gcámhall.
27 Agus do rinne Gideon Ephod de
sin, agus do chuir é ann a chathair féin,
Ophrah: agus do chuáidh Israel uile
annsin do striopachas na dhiáigh; thái-
nic an ní sin na dhul do Ghideon &
dá thigh.
28 Is mar so do cláiodheadh Midian
roimhe chloinn Israel, ionnus nár thóg-
bhadar a gcionn ni sa mhó: agus do
bhí an tír go socair ceathrachad bliá-
dhan a laethibh Ghideon.
29 Agus do chuáidh Jerubbaal
mhac Joas, agus do áitreibh ann a
thigh féin.
30 Agus do bhí deithneamhar agus
trí fichid mac ag Gideon rugadh dá
chorp féin: óir do bhádar mórán
ban aige.
31 Agus rug a leannán fós do bhí
a Sechem mac dhó, ar a ttug sé Abi-
melech dainm.
32 Agus déug Gideon mhác Joas a
náois mhaith fhoirfe, agus do hadh-
laiceadh é a ttuama Jóas a athar ann
Ophrah na Nabi-esriteach.
33 Agus tárla comhluath agus déug
Gideon, gur iompóigheadar clann Is-
rael a rís, agus go ndeachadar do
striapachus ag leanmhuin Bhaalim, a-
gus do rinneadar día dhóibh féin do
Bhaal-berit.
34 Agus níor chuimhnigheadair clanna
Israel air a TTighearna Día, noch do
shaor iad as lámhuibh a námhad uile
ann gach uile tháobh.
35 Agus ní mó do thaisbeanadar ci-
neul do thigh Jerubbaal, dar bhainm
Gideon, do réir gach maitheasa dar
thaisbein sé Disrael.

CAIB. IX.

*Cosamhlachd Jotam a néisdeachd Abime-
lech. 56 Táinig Tairgir Jotam ar Abi-
melech agus ar mhuintir mhio-choingbhiol-
lach Shechem.*

AGus do chuaidh Abimelech mhac
Jerubbaal go Schechem a cceann
dhearbhráithreach a mhathar, agus do
chomhráidh sé ríu, agus re muintir
thighe athar a mhathar uile, dhá rádh.
2 Guidhim sibh, labhruidh a néisteachd
mhuintire Schechem uile, Cia as féarr
dhíbhsi, deithneamhar agus trí fithchid
fear, mic Jerubbaal uile, do ríaghladh
ós bhur gcionn, nó éanduine amháin do
ríaghlughadh ós bhur ccionn; cuimhni-
ghidh mar an gcéadna gur misi bhur
gcnáimh agus bhur bhfeóil.
3 Agus do labhradar dearbhráithre
a mhathar na bríathrasó uile dhá tha-
óibh, a gcluasuibh mhuintire Schechem
uile, agus do aontuigheadar a ccroidhthe
uile Abimelech do leanmhuin: óir a du-
bhradar, a sé ar ndearbhrathair é.
4 Agus tugadar dhó deich bpiosa
agus trí fichid airgid amach as tigh
Bhaalberit, le ar fhostoigh Abimelech
daoine éattroma agus díomhaoine, noch
do lean é.
5 Agus do chuáidh sé go tigh a a-
thar ann Ophrah, agus do mharbh sé
a dhearbhraithre, mic Jerubbaal, noch
ba deichneamhar agus trí fichthid, air
éanchloich amháin: gidheadh do fág-
bhadh Jótham an mac dob óige ag Jerub-
baal beó, óir do fholuigh sé é féin.
6 Agus do chruinnigheadar muintir
Schechem, agus tigh Mhillo uile a bhfo-
chair a chéile, agus do chúadar, agus
do rinneadar Rígh Dabimelech láimh
re daruigh an phíleir do bhí a Sche-
chem.
7 Agus a nuáir do innsiodar sin do
Jotam, do chuáidh sé agus do sheas
sé a mullach shléibhe Gerisim, agus do
árduigh sé a ghuth, agus do éigh sé,
agus a dubhairt ríu, Eisdigh riomsa
a mhuintir Schechem, chor go néisdse
Día ribhsi.
8 Do chúadar na crainn amach uair,
do ungadh Righ ós a ccionn, agus a
dubhradar ris an ccrann ola, bise ad
Righ oruinn.
9 Acht a dubhairt an crann ola ríu,
an bhfúigfinnsi mo mheathas lé nonór-
uighthear Día agus dáoine, do dhul dom
árdughadh ós cionn na gcrann?
10 Agus a dubhradar na crainn ris
an gcrann fige, tárr agus ríaghluidh
ós ar gcionn.
11 Acht a dubhairt an crann fige
ríu, an ttréigfinnsi mo mhillseachd, agus
mo thoradh maith, agus dul dom árdu-
ghadh ós cionn na gcrann?
12 Ann sin a dubhradar na crainn ris
an bhfíneamhuin, tárrsa, agus ríagh-
luigh ós ar ccionn:
13 Agus a dubhairt a nfíneamhuin
ríu, an bhfúigfinnsi mfion, noch shoiás-
uigheas Día agus duine, agus dul dom
árdughadh ós cionn na ccrann?
14 Ann sin a dubhradar na crainn
oile ris an bhfáirdhreis, tárrsa agus
ríaghluidh ós ar gcionn.
15 Agus a dubhairt an nfáirdhreis ris

ui crannuibh, má ungthaói misi dhá
ríribh am Rígh oruibh, annsin tigidh,
agus cuiridh bhur ndóigh ann mo scáile:
agus muna ndeárnuidhe, tigeadh teinidh
as an bhfairdhreis agus loisgeadh sí
Cédair Lebanon.
16 Annois ár a nadhbharsin, má rinn-
eabhairse go hiomchubhaidh, agus go
fírinneach a ndeanamh Rígh do Abi-
melech, agus má frith go maith ar Jerub-
baal sibh, agus ar a thigh, agus go
ndeárnabhair ris do réir mar do thuill
a lámha:
17 (Oir do throid mathairse ar bhur
son, agus do chuir a anum a nguais
mhóir, agus do thárrthuigh sé sibh as
láimh Mhidian:
18 Agus déirgheabhairse súas a nagh-
aidh thighe matharsa a niugh, agus
do mharbhabhair a chlann, deichnea-
mhar agus trí fithchid air éanchloich a-
mháin, agus do rinneabhair Rígh do
Abimelech mac a bhanógluigh ós cionn
mhuintire Schechem, do chionn gur bé
bhur ndearbhrathair é.)
19 Má rinneabhair mar sin go hion-
ruic fírinneach a niugh ré Jerubbaal, &
re na thigh, annsin gairdighidhsi ann A-
bimelech, agus gáirdigheadh seision io-
nnuibhsi mar an gcéadna.
20 Ach muna ndearnabhair, tigeadh
teinidh amach ó Abimelech, agus Loif-
geadh sí muintir Schechem agus tigh
Mhillo; agus tigeadh teinidh amach ó
mhuintir Shechem agus as tigh Mhillo,
agus loisgeadh sí Abimelech.
21 Agus do imthigh Jotam roimhe,
agus do theith sé, agus do chúaidh go Beer,
agus do rínne sé comhnuighe annsin, ar
eagla Abimelech a dhearbhrathair.
22 A nuair do bhí Abimelech trí bli-
adhna na Rígh ós cionn Israel:
23 Ann sin do chuir Día droichspio-
rad eidir Abimelech agus muintir Sche-
chem, agus do rinneadar muintir Sche-
chem feall ar Abimelech.
24 Ionnus go ttiocfadh an díbhfheirg
do rinneadh ar an ndeichneamhar, agus
trí fithchid mac Jerubbaal, agus go luí-
ghfeadh a bhfuil air Abimelech a ndear-
bhrathair, noch do mharbh íad, agus ar
mhuintir Schechem noch do chuidigh
leis, a marbhadh a dhearbhrathar.
25 Agus do chuireadar muintir Sche-
chem daoine a luígheachán air, ar mhul-
luighibh na sliabh, agus do shladadar a
ttáinic láimh riú san tslighe, agus do
hinnseadh sin do Abimelech.
26 Agus tainic Gaal mhac Ebed gun
a dhearbhráithribh, agus do chuaidh sé
anonn go Schechem, agus do chuireadar
muintir Shechem a ndóigh ann.
27 Agus do chúadar amach annsna
machairighibh, agus do chruinnigheadar a
bhfíneamhuin, agus do bhruigheadar na
cáora, agus do bhádar go súbhach, &
do chuadar a steach go tigh a ndé, &
duádar agus díbheadar, agus do mhall-
uigheadar Abimelech.

28 Agus a dubhairt Gaal mhác E
Cía hé Abimelech, agus cía hé S
chem as a ndéanmaoisne serbhís
nach é mac Jerubbaal é, agus Sebul a
figeach? déanuidh serbhís do mh
Hamor athair Schechem: óir cre
ndéanmaoisne serbhís dósan?
29 Agus do bhfearr liom go n
dís na dáoinesi fáoi mo laimhse, ann
do áthrochuinn Abimelech: agus a
bhairt sé re Habimelech: meúdaigh
shluágh agus tarr amach.
30 Agus a nuair do chuala Sebul
aran na caithreach bríathra Ghaal m
Ebed, do las a fhearg.
31 Agus do chuír teachda go
melech go foluigheach, gha rádh,
tháinig Gaal mhac Ebed, agus a dh
bhraithre go Schechem, agus
ataíd ag daingniúghadh na caithre
a taghaidhsi.
32 Annois ar a nadhbharsin, bí
san noidhche thú féin agus na daoine
tá ad fhochair, agus bi a luigheach
ann sa mhachaire:
33 Agus is amhluidh bhías, a
dín comhlúath is éireochus an ghrian
néireochuidh tusa go lúath, agus
suigh an chathair, agus féuch a
thiocfas séision, agus na daoine
na fhochair amach a taghaidh,
féudfuidh tú a dhéanamh riú mar gh
bhas tú cúis.
34 Agus do éirigh Abimelech súa
agus a nuile dhuine do bhí na fhoch
san noidhche, agus do chuireadar luigh
eachán ar Schechem a cceithre
eachda.
35 Agus do chuáidh Gaal mhac
amach, agus do sheas a bpóirsi
na caithreach, agus do eirigh Abimelech
súas, agus an mhuinntir do bhí na fh
chair as a luidheachán.
36 Agus a núair do chonnairc Gaal
dáoine, a dubhairt sé re Sebul,
taíd daoine ag teachd a núas ó
an tsleibhe: agus a dubhairt Sebul
do chí tú scáile na sliabh mar dhaoine.
37 Agus a dubhairt Gaal ris,
do labhair, feúch atáid daóine ag teachd
a nuas thríd lár a nfearuinn, agus
deachda oile ag teachd thríd
Mheonénim.
38 Ann sin a dubhairt Sebul ris,
a bhfuil do bhéul anois le a ndubhairt
tú; cia hé Abimelech as a ndéanmaoisne
serbhís dó? né nach íad so na daoine
tharcuisnigh tú: guidhim thú,
annois agus troid riú.
39 Agus do chuáidh Gaal amach
imhe mhuintír Schechem, agus
throid sé re Abimelech.
40 Agus do rúaig Abimelech é,
theith roimhe, agus do marbh
agus do loiteadh morán go nuige
se an gheata.
41 Agus do aítreibh Abimelech a
Arumah; agus do theilg Sebul G

a dhearbhbráithre amach, ionnus […]ch déanaidís comhnuighe a Schechem.

42 Agus tárla ar na mhárach, go […]chadar an pobal amach ſan […]chaire, agus do innſiodar ſo do A[…]melech.

43 Agus do ghlac ſe an pobal, agus do roinn ſe iad a ttri ccuídeachda, & do chuir luidheachan ſa machaire, agus […]haire ſé, agus féach tangadar na daoine amach as an gcathruigh, agus déirigh ſeiſion ſúas na naghaidh, agus do bhuail ſé iad.

44 Agus do thiomáin Abimelech, agus an muintir do bhi na fhochair ar a naghaidh, agus do ſheaſadar a bpóirſi […] na caithreach; agus do ritheadar an dá chuideachda oile ar a raibh do dhaoinibh ar an machaire, agus do mharbhadar iad.

45 Agus do chathaigh Abimelech a naghaidh na caithreach ar feadh an laói ſin, & do bhris ſé ſios an chathair, & do ſhiolchuir ſé i le ſalann.

46 Agus a nuair do chúaladar muintir thuir Schechem uile an ní ſin, do chuadar a ſteach a ndaingion tighe an dé Berit.

47 Agus do hinnſeadh do Abimelech gur chruinnigheadar muintir thuir Schechem uile a gcionn a chéile.

48 Agus do chuáidh Abimelech ſúas ann tſliabh Salmon, é féin agus na huile dhaoine da raibh na fhochair; agus do ghlac Abimelech túagh na láimh, & do ghearr ſíos beangán do na crannuibh, agus do ghlac, agus do chuir ar a ghúalainn é, agus a dubhairt ris an bpobal do bhí na fhochair, an ní do chonncabhair agamſa dá dhéanamh, lúathighidh, agus déanuidh mar do rinne miſi.

49 Agus do ghearradar an muintir oile uile mar an gcéadna gach aonduine aca a bheangán féin, agus do leanadar Abimelech, agus do chuir ſé chum an daingin iad, agus do chuir an daingean tre theinidh orra: ionnus gur éagadar mar an ccéadna muintir thuir Schechem uile timchioll mhíle fear agus bean.

50 Ann ſin do chúaidh Abimelech go Tebes, agus do ſhuighidh ſé campa ar aghaidh Thêbes, agus do ghabh ſé i.

51 Ach do bhí tor daingion a ſtigh ſan gcathruigh, agus do theithiodar na fir agus na mná uile ann ſin, agus luchd na caithreach uile, agus do dhruideadar na ndiaigh, agus do chúadar ſúas ar mhullach an tuir.

52 Agus tháinic Abimelech go nuige an tor, agus do chathaigh na aghaidh, agus do chuáidh a ngar do dhorus an tuir dá loſcadh le teinidh.

53 Agus do theilg bean áirigh blodh do chloich mhuilinn ar cheann Abimelech, agus do bhris ſí a chloigionn uile.

54 Ann ſin do ghoir ſé go lúath ar an ôgánach do iomchradh a airm, agus a dubhairt ſé ris, tarruing do chloidheamh agus marbh mé, chor nach abeoruid daóine riom, do mharbh bean é; agus do ſháith an tógánach thríd, go bhfuair ſé bás.

55 Agus a nuair do chonncadar clanna Iſrael gur marbhadh Abimelech dimthigheadar gách éanduine dhiobh dhá áit ſéin.

56 Marſo do chúitigh Día olc Abimelech, noch do rinne ar athair, ag marbhadh a ſheachdmhoghad dearbhrathar féin.

57 Agus do fhill Día uilc mhuintire Schechem uile ar a gceannuibh ſéin: agus tháinic mallachd Jótam mhic Jerubbaal orra.

CAIB. X.

Tar éis Tola. 3 Do bhreathnuigh Jair Iſrael. 6 Déis bháis Jair ſmachduigh Día a rís Iſrael arſon jodholadhradh.

AGus tar éis Abimelech, déirigh do chumhdach Iſrael Tola mhac Puah mhic Dódo, do threibh Iſſachar, agus do áitrebh ſé a Sámir air ſhliabh Ephraim.

2 Agus do bhreathnuigh ſé Iſrael trí bliaghna fithchiod, agus fuáir ſé bás, agus do hadhlaiceadh a Sámir é.

3 Agus na dhiáigh ſin déirigh Jáir Gileaditeach, agus do bhreathnuigh Iſrael dhá bhliaghain agus fithche.

4 Agus do bhádar tríochad mac aige do níodh marcuigheachd ar thríochad bromach Aſſal, agus do bhádar tríochad cathair aca, da ngoirthear Habhot-Jáir gus a niugh, noch ata a ttír Ghilead.

5 Agus fuáir Jáir bás, agus do hadhlaiceadh é a Gcamon.

6 Agus do rinneadar clann Iſrael olc á rís a radharc an Tighearna agus do adhradar Báalim, agus Aſtárot, agus dée Síria, agus dée Sidon, agus dée Móab, agus dée chloinne Ammon, agus dée na Bhphiliſtíneach; agus do thréigiodar an Tighearna, agus ní dhearnadair ſerbhís dó.

7 Agus do bhí fearg an Tighearna ar laſadh a naghaidh Iſrael agus do réac ſé iad a lámhuibh na Bhpiliſtíneach, & a lámhuibh chloinne Ammon:

8 Agus do bhuaidhriodar agus do bhruigheadair clann Iſrael an bhliadhuinſe; ochd mbliadhna déug, clann Iſrael uile do bhí don taóibh oile do Jordan, a ndúthaigh na Namoríteach, noch atá a Ngilead.

9 Os a chionn ſin, do chúadar clann Ammon tar Jordan do chathughadh mar an

an gcéadna a naghaidh Júdah, agus a naghaidh Bheniamin, agus a naghaidh thighe Ephraim: ionnus gur tugadh Israel a gcumhgach mhór.

10 Agus déighmheadar clann Israel chum an Tighearna, gha rádh, Do pheacuigheamairne ad aghaidh, do chionn gur thréigiomar ar áon ar Ndía féin, agus gur adhramar Báalim mar an gcéadna.

11 Agus a dubhairt an Tighearna re cloinn Israel, Nach ar sháor misi sibh ó na Hégiptibh, agus ó na Hamoritibh, agus ó chloinn Ammon, agus ó na Philistinibh?

12 Do bhruigheadar mar an gcéadna na Sidonianigh, agús na Hamalecitigh, agus na Maonitigh sibh, agus do screadabhair ormsa, agus do sháor mé sibh as a lámhuibh.

13 Gidheadh do thréigeabhair mé, agus do adhrabhair deé oile: uime sin ní thárrthocha mé feasda sibh.

14 Eirgidhe, agus screaduigh ar na deéibh, noch rugabhair do roghuin; saoraidis sibh a naimsir bhur ttrioblóide.

15 Agus a dubhradar clann Israel ris an TTighearna, Do pheacuigheamar, déana rinn mar do chíthear dhuit féin, amháin guidhmid thú sáor inn a niugh.

16 Agus do chuireadar uatha na deé coimhitheacha ó bheith na measc, agus dadhradar an Tighearna: agus do bhí doilghios ar a anum san tré bhochduine Israel.

17 Ann sin do chruinnigheadar clann Ammon a cceann an chéile, agus do rinneadar campa a Ngilead; agus do chruinnigheadar clann Israel íad féin a gcionn a chéile, agus do rinneadar campa a Mispeh.

18 Agus a dubhradar dáoine agus prionnsuidhe Ghilead re chéile, Cia hé an fear thoiseochus cathughadh a naghaidh chloinne Ammon? biáidh sé na cheann ar dhúthchusaibh Ghilead uile.

CAIB. XI.

Gaisge Jephtah. 34 Agus a mbóide.

ANois do bhí Jephtah an Gileaditeach na dhuine neartmhar a mbeódhachd, agus bá mac meirdrigh é; & sé Gilead do ghein Jephtah.

2 Agus do rug bean Ghilead mic dhó, agus do fhásadar na mic síos, & do theilgeadar amach Jephtah, agus a dubhradar ris, ní bhfuighe tú oighreachd a ttigh ar natharne, oir is mac mná choimhthigh thú.

3 Annsin do theith Jephta ó na dhearbhráithribh, agus dáitribh sé a gcrích Thob: agus do chruinnigheadar dáoine chum Jephtah, agus do chuádar leis amach.

4 Agus tárla a ccionn aimsire, ... ndearnadar clann Ammon cogadh a naghaidh Israel.

5 Agus is amhluidh bhí, a nuáir rinneadar clann Ammon cogadh a naghaidh Israel, go ndeachadar ... Ghilead do thabhairt Jephtah ó ... Thob.

6 Agus a dubhradar re Jephtah, ... agus bí ad chaiptín oruinn, go ... maois troid re cloinn Ammon.

7 Agus a dubhairt Jephtah re sinsioruibh Ghilead, nach ar fhúathuigheabhair mé, agus nár dhíbreabhair mé ... tigh máthar? agus cred fá ttiucfadh ... chugam a nois a nuáir atáthaoi a gcumhgach?

8 Agus dubhradar sinnsir Ghilead re Jephtah, uime sin do fhilleamar chugad anois, chor go rachthá linn, agus go ttroidfeá a naghaidh chloinne Ammon, agus go mbeithea ad cheann oruinn aitreabhach Ghilead uile.

9 Agus a dubhairt Jephtah re sinsioruibh Ghilead, má bheirthi misi ar mais, do throid a naghaidh na Nammoniteach, agus go ttoirbheóraidh an Tighearna romham íad; an mbia mé am cheann oruibh?

10 Agus a dubhradar sinnsir Ghilead re Jephtah, bíodh an Tighearna ... aghnuisi eadruinn, muna ndeanam sa, do reír do bhriatharsa.

11 Ann sin do chuáidh Jephtah le seanuibh Ghilead, agus do rinneadar an pobal ceann agus Caiptín de ós a ccionn, agus do labhair Jephtah a bhriathrá uile a lathair an tighearna a Mispeh.

12 Agus do chuir Jephtah teachda go Righ chloinne Ammon, gha rádh, cred atá agad ré a dhéanamh riomsa, ... a ttáinic tú am aghaidh do throidiom ann mo dhúithche féin?

13 Agus dó fhreagair Rígh chloinne Ammon, teachda Jephtah, Do chionn gur bhean Israel mo dhúithche dhiomsa a núair thangadar a nsíos as an Négipt ó Arnon go nuige Jabboc, agus go nuige Jordan; annois ar a nádhbhar sin aisig na fearuinnsin go síothchánta.

14 Agus do chuir Jephta teachdaireadh a rís go Rígh chloinne Ammon.

15 Aguſ a dubhradar ris, is mar ... deir Jephtah, Níor bhean Israel dúithche Mhóab amach, nó dúithche chloinne Ammonn.

16 Acht a núair tháinic Israel a nsíos ó Négipt, agus do shiubhuil ... an bhfásach gus an muir rúaidh, ... tangadar go Cádes:

17 Annsin do chuir Israel teachda go Rígh Edom, gha rádh, Guidhim ... léig dhamh gabhail thríd do dhúithche: achd níor bháill lé Rígh Edom eisdeachd ris sin; & ar an modh gcéadna ...

...chuir go Rígh Móab, agus níor áon-
...tigh seiſion; agus do fhoſaidh Iſrael
a Gcides.
18 Ann ſin do ghluáiſíodar ar fad
thríd a bhfaſach, agus do thimchioll la-
dar dúithche Edom, agus dúithche Mhó-
ab, agus tangadar táobh ó dheas do
dhúithche Mhoab, agus do ſhuigheadar
don táobh oile do Arnon, acht ní thanga-
dar táobh a ſtigh do theóruinn Mhó-
ab: oir budh é Arnon bruách Mhó-
ab.
19 Agús do chuir Iſrael teachda go
Sihon Rígh na Namoriteach, Rígh
Hesbon, agus a dubhairt Iſrael ris, gui-
dhim thú, leig dhúinn gabháil thríd
thſearann dom áit féin.
20 Acht níor tháobh Sihon Iſrael do
ghabháil tré na chóſta: acht do
chruinnigh Sihon a dháoine uile a bhfo-
chair a chéile, agus do rinne ſé foſlung-
phort an Jahas, agus do throid ſé a
naghaidh Iſrael.
21 Agus thug an Tighearna Día Iſ-
rael, Sihon agus a dháoine uile a láimh
Iſrael, agus do bhuaileadar íad: mar
ſin do ſhealbhuigh Iſrael iomlán dúithche
na Namoriteach dúthchuſaigh na tíre
ſin.
22 Agus do ſhealbhuigheadar cóſta na
Namoriteach uile, ó Arnon go nuige
Jabboc, agus ó nfaſach air fad go nuige
Jordan.
23 Marſin annois do dhíbir an Ti-
ghearna Día Iſrael, na Hamorítigh roimhe
a phobal Iſrael, agus nar chóir dhuitſi
a ſhealbhughadh?
24 Nach ſealbhochaidh tuſa an ní
noch do bheir do dhía Chemos duit
re ſhealbhughadh? mar ſin gidh bé ar
bith chuirſeas ar TTighearna Día féin
amach romhuinne, ſealbhochuim iad.
25 Agus annois an feárr thuſa ná
Balac mhac Sippor Rígh Moáb? nar
chur ſé ríamh a naghaidh Iſrael, nó
nar throid ſé na naghaidh a ríamh?
26 An feadh do rinne Iſrael comh-
nuighe ann Hesbon agus iona bailtibh,
agus ann Aroer agus iona bailtibh, agus
annſna caithreacaibh uile atá ſínte re
cóſtuibh Arnon trí chéad bliadhan?
cred uime nar bheanabhair amach íad
ar a bhfadſin?
27 Ar a nadhbharſin, níor chiontaigh
miſi ad aghaidh, achd ís tuſa atá ag
déanamh éaccora orumſa, ag cathughadh
am aghaidh: biaidh an Tighearna an
breitheamh, na bhreitheamh a niugh idir
chloinn Iſrael, agus chloinn Ammon.
28 Acht cheana níor éiſt Rígh chlo-
inne Ammon re bríathruibh Jephtah,
noch do chuir ſé chuige.
29 Ann ſin tháinic ſpiorad an Ti-
ghearna ar Jephtah, agus do chuaidh ſé
thar Ghílead anonn agus thar Mhanaſ-
ſeh, agus do chuáidh thar Mhiſpeh Ghí-
lead, agus ó Miſpeh Ghílead do ghluáis
é thairis go chloinn Ammon.
30 Agus thug Jephtah móid don Ti-
ghearna, agus a dubhairt, Má bheir tú
gan fhailllighe clann Ammon am lá-
imhſi:
31 Ann ſin is amhluigh bhías, gidh bé
ní thiucfas amach as doirſibh mo
thighe do theagmháil orm, an tan
fhillfeas mé a ſíothcháin ó chloinn
Ammon, budh leis an TTighearna é
go deimhin, agus iodhboruidh mé ſúas
é mar ofráil loiſge.
32 Marſin do chuáidh Jephtah thairis
go cloinn Ammon do throid na na-
ghaidh, agus thug an Tighearna ann
a láimh iad.
33 Agus do bhúail ſé íad ó Aroer nó
go ttí tú go Minnit, fithche cathair,
agus go réiteach na bhfíneambrach, maille
re ár mór: mar ſo do claóidheadh
clann Ammon roimhe chloinn Iſrael.
34 Agus tháinic Jephtah go Miſpeh
dhá thígh, & féuch, tháinic a inghean
amach do theagmháil air, mille re céol
agus re damhſaighibh: & dob iſi a éain-
ghein, ní raibh mac ná inghean aige
achd í.
35 Agus tárla a nuáir do chonnairc
ſé í, gur réub ſé a éadach, agus go ndu-
bhairt ſé, uch a inghean, do bhráigh
tú ſíos mé, agus is áon don droing
bhuaidhrios mé thú; óir dfoſcuil mé
mo bhéul don Tighearna, agus ní fhéa-
duim dul air mais.
36 Agus a dubhairt ſiſi ris, a athair
má dfoſcuil tú do bhéul don Tigh-
earna, déana riomſa do réir an neithe
tháinic amach as do bhéul; do chionn
go ndearnaidh an Tighearna dioghal-
tas ar do ſhonſa ar do naimhde, ar
chloinn Ammon.
37 Agus a dubhairt ſí le na hathair
déantar an ní ſo ar mo ſhonſa, léig-
thear dhamh dhá mhí, go nimthigh mé
ſíos agus ſúas feadh na ſliabh, agus go
gcaóine mé móghachd, mé féin agus
mo chompánuigh.
38 Agus a dubhairt ſeiſion ría, im-
thigh. Agus do chuir ſé uadh í go cionn
dá mhíos: agus do imthigh ſiſi maille
ré na compánachuibh, agus do chaóin
a hóghachd ar na ſléibhtibh.
39 Agus tárla a ccionn dá mhíos
gur fhill ſí chum a hathar, noch do
rinne ría do réir mar do mhóidigh ſé:
agus ní raibh fios fir aice. Agus do bhí
na ghnáth a Niſrael,
40 Go nimthighdis ingheana Iſrael go
bliadhnamhuil do chaoineadh inghine
Jephtah an Gileaditeach, ceithre lá ſan
mbliadhuin.

CAIB. XII.

Fir Ephraim ag cathughadh re Jephtah. 6 Do mharbh na Gileaditigh dhíobh, líon nar fhéud Schibbolet do radh.

AGus do chruinnigheadar fir Ephra-
im íad féin a gcionn a chéile,

agus do chúadar budh thuáigh, agus a
dubhradar re Jephtah, cred fá ndea-
chaidh tusa anonn do throid a naghaidh
chloinne Ammon, agus nar ghoir
tú oruinne do dhul leachd; loisgfeam
do thigh ar do mhuin le teinidh?
2 Agus a dubhairt Jepthah ríu, do
bhí misi agus mo dhaoine a naimhrei-
dhe mhóir ré cloinn Ammon, agus a
nuáir do ghoir mé oruibhsi níor fháor-
abhair as a lámhuibh mé.
3 Agus a nuáir do chonnairc misi
nár tharrthuigheabhair mé do chuir mé
manum am láimh, agus do chuáidh mé
anonn a naghaidh chloinne Ammon, agus
do thoirbhir an Tighearna am láimh íad;
uimesin cred fá ttigthíse súas chugam a
niugh do throid am aghaidh.
4 Ann sin do chruinnigh Jephtah mu-
inntir Ghilead uile a ccionn a chéile, agus
do throid sé lé Héphraim: agus do
bhuáileadar muinntir Ghilead Ephraim;
do bhrígh go ndubhradar, sibhsi a Ghi-
leaditeacha as teithmhighe sibh ó E-
phraim, a measc na Néphraimíteach,
agus a measc na Manassiteach.
5 Agus do ghabhadar na Gileaditigh
áthanna Jordan ar na Hephraimítea-
chaibh: agus is amhluidh bhí, a nuáir a
deirdis na Hephraimítigh do chuaidh as,
léig dhamh dul anonn; go nabradh
muinntir Ghilead ris, an Ephraimíteach
thú? dá nabradh seision, ní headh.
6 Ann sin a deirdís ris, abair anois,
Schibbolet: agus a déaradh seision,
Sibbolet: óir níor féad sé a chanmhuin
go ceart. Ann sin do ghabhadar é
agus do mharbhadar é ag áthánnaibh
Jordan: agus do thuit annsa namsin
do na Hepraímiteachaibh dhá mhíle
agus dá fhithchiod.
7 Agus do bhreathnuigh Jephtah
Israel sé bliadhna: ansin fúair Jephtah
an Gileaditeach bás, agus do hadh-
laiceadh é a náon do chaithreachaibh
Gilead.
8 Agus na dhiaigh sin do bhí Ib-
san ó Bhetelem na bhreitheamh ar
Israel.
9 Agus do bhádar tríochad mac
aige, agus tríochad inghean, noch do
chuir sé amach uadh, agus thug sé trío-
chad inghean a steach chuige dá mha-
caibh, agus do bhí na bhreitheamh a
Nisrael seachd mbliadhna.
10 Ann sin fuáir Ibsan bás; agus do
hadhlaiceadh a Mbetelem é.
11 Agus na dhiáigh sin do bhí Elon
an Sebuloníteach na bhreitheamh ar Is-
rael, agus do rinne breithemhnas ar
Israel deich mbliadhna.
12 Agus fuáir Elon an Sebuloniteach
bás, agus do haidhlaiceadh é ann Aija-
lon a ttir Shebulon.
13 Agus na dhiáigh sin do bhí Ab-
don mhac Hillel Piratoniteach na bhre-
itheamh ar Israel.
14 Agus do bhí ceathrachad mac
aige, agus tríochad mac a mhac, do
marcuigheachd ar sheachdmh
ógassal: agus do bhí na bhreitheam
Israel ochd mbliadhna.
15 Agus fuáir Abdon mhac
lel an Piratoníteach bás, agus
hadhlaiceadh é ann Piraton a ttír
raim, a sliabh na Namaleciteach.

CAIB. XIII.

*Do chloinn Israel (ar na sárughadh
na Philistineachaibh) 7 do ghell
Dé, Samson.*

AGus do rinneadar clann Israel
olc a bhfiadhnuisi an Tighearna
agus thug an Tighearna a láimh
Bhphilistineach íad ceathrachad
ghan.
2 Agus do bhí fear áirigh
do chinéul na Ndaníteach, dar
Manoah, agus do bhí a bhean
agus ní rug sí [clann.]
3 Agus táinic aingeal an Tigh
gus an mnaoi, agus a dubhairt
féach annois atá tú aimrid,
iríonn tú [clann] achd bía tú
agus béara tú mac.
4 Annois ar a nadhbharsin
thú, bí ar do choimhéad,
fíon nó deoch láidir, agus
inní neamhghlan.
5 Oír féach, biaidh tú
agus béara tú mac, agus
sgian bhéarrtha ar a cheann:
an leanamh na Nafaríteach do
bhroinn a mhathar: agus toiséch
Israel do sháoradh ó láimh na
tineach.
6 Ann sin tháinic an bhean,
dinnis sí dhá fear, ghá rádh,
óglach Dé chugam, agus bá
ghnúis ré gnúis Aingil Dé ró
fach: ach níor fhiafruigh mé
has dó, agus ní mó dinnis sé a
dhamh.
7 Achd a dubhairt sé rium,
biáidh tú torrach, agus béara
mac; agus a nois ná hibh fíon,
deoch láidir, agus ná hith éinní
ghlan: óir biáidh an leanamh na
fariteach do Dhía ó bhruinn a mhathar
go ló a bháis.
8 Ann sin do ghuidh Manoah
Tighearna, agus a dubhairt sé, ó
Thighearna, tigeadh óglach Dé
do chuir tú uait, chugainn a rís,
múineadh dhúinn cred do dhéanam
leanamh béarthar.
9 Agus déist Día re glór Mhanoah
agus tháinic aingeal Dé a rís
na mná, ar mbeith dhí na suidhe
an machaire: ach ní raibh Manoah
fear na fochair.
10 Agus do rinne an bhean

[illegible] do rith, agus do thaisbéin dá fear,
[illegible] a dubhairt ris, féuch tháinic an
[illegible] chugamsa, noch tháinic chugam
[illegible] lá oile.
11 Agus d'éirigh Manoah, agus do
[illegible] a ndiáigh a mhná, agus thái-
[illegible] gus a nógl ach, agus a dubhairt
ris, an tusa an té do labhair ris an
mnaoi? agus a dubhairt seision, is mé.
12 Agus a dubhairt Manoah, annois
tigeas do bhriathra chum críche, cionnus
oilfeam an leanamh, agus cred do dhéa-
nam ris?
13 Agus a dubhairt angeal an Ti-
ghearna re Manoah, tugadh an bhean
a haire dá gach éinni dá ndubhairt misi
ria.
14 Ní hitheadh sí éainni dá ttig as a
bhfíneamhuin, agus ná hibhiodh fíon nó
deoch láidir, agus na hitheadh éainni
neamhghlan: coimhéadadh sí a nuile ní
dar aithin misi dhi.
15 Agus a dubhairt Manoah re
haingeal an Tighearna, guidhim thú
fan againn nó go ndeasuigheam mean-
nán duit.
16 Agus a dubhairt aingeal an Ti-
ghearna re Manoah, bíodh go ccuinn-
eocha tú mé, ní íosa mé dot arán:
agus má ofrálann tú ofráil loisge, is don
Tighearna ofráilfios tú í: óir ní raibh
a fhios ag Manoah gur bhé aingeal an
Tighearna é.
17 Agus a dubhairt Manoah re
haingeal an Tighearna, ca hainm thú,
chor a núair thiucfaid do bhriathra a
gcrích, go ndéanam onóir dhúit?
18 Agus a dubhairt aingeal an Ti-
ghearna ris, cred fá bhfiafruighionn tú
mainmsi marso, ó tá sé ar ceilt?
19 Mar sin do ghlac Manoah mean-
nán maille re ofráil bhídh, agus dofráil
sé ar charraig é don Tighearna; a-
gus do rinne an taingeal go hiongantach,
agus do bhí Manoah, agus a bhean ag
féachuin air.
20 Oír tárla a núair do chuáidh an
lasair súas leath re neamh ó naltóir, go
ndeachaidh an taingeal súas a lasair na
haltóra: agus dféach Manoah agus a
bhean air sin, agus do thuiteadar ar a
naighthibh chum na talmhan.
21 (Acht ní thainic aingel an Tigh-
earna ní budh mó dionnsuighe Mhanoah
nó a mhná) annsin do aithin Manoah
gur bhaingeal don Tighearna é.
22 Agus a dubhairt Manoah ré na
mhnaoi, do gheabham bás go deimhin
do bhrigh go bhfacamar Dia.
23 Acht a dubhairt a bhean ris, dá
madh i toil an Tighearna ar marbhadh, ní
ghéabhadh sé ofráil loisge no ofráil bhídh
as ar lámhaibh, agus ní mó do thaisbéan-
fadh sé na neithesi dhúinn, no dinneosadh
dhúinn sa namsa a leitheid so do neithibh.
24 Agus do rug an bhean mac, agus
thug sí Samson dainm air: agus dfás an
leanamh, agus do bheannuigh an Tigh-
earna é.
25 Agus do thosuigh spiorad Dé ar a
chorrughadh ar úairibh a ccampa Dhan,
edir Shorah agus Estoal.

CAIB. XIV.

Samson ar reitiadh léomhan dó, 12 do chuir sé tombus ar na Philistinibh, 19 noch bhá shiocar da ngcoinntinnibh.

AGus do chuaidh Samson sios go Tim-
nat, agus do chonnairc sé bean a
TTimnat dingheanuibh na Bhphilisti-
neach.
2 Agus thainic sé súas, agus dinnis sé
dhá athair, agus dá mhathair, agus a du-
bhairt sé riú, do chonnairc mé bean a
TTimnat dinghionuibh na Bhphilisti-
neach: annois ar a nadhbharsin faghaidh
dhamh mar mhnaoi í.
3 Ann sin a dubhairt a athair, agus
a mhathair ris, a né nach bhfuil bean
ar bith a measg inghean do dhearbhrá-
ithreach, nó a measc mo dhaóinesi uile, as
a rachthá do thabhairt mná do na Phi-
listinibh nemhthimchillghearrtha? agus
a dubhairt Samson re na athair, fagh
dhamh í, óir atá sí sgiamhach ann mo
shúilibh.
4 Acht ní raibh a fhios agá áthair, no
agá mhathair gurob ón TTighearna thái-
nic go niarthadh sé cúis a naghaidh na
Bhphilistineach: óir do bhí úachdará-
nachd ag an Bhphilistineach ós cionn
Israel a núair sin.
5 Ann sin do chuaidh Samson sios,
agus a athair, agus a mhathair, agus
tangadar go Timnat, agus go fineamhuin
Thimnat, agus féach do chuir leomhan
óg búireadh as na aghaidh.
6 Agus tháinic spiorad an Tighearna go
cumhachdach air, agus do réub sé an leo-
mhan, mar do réabfadh meannán, agus ní
raibh éinní aige iona laímh: achd níor
innis dá athair nó dhá mhathair cred do
rinne sé.
7 Agus do chuáidh sé sios, agus do
chomhráidh sé ris an mnáoi, agus do
thaitin sí re Samson go maith.
8 Agus tar éis aimsire dfill sé dhá
tabhairt, agus do ghabh sé do leathtaoibh
dféachuin chonablaich an leomhuin: agus
féach, do bhí saithe bheach agus mil a
cconablach an leomhuin.
9 Agus do ghlac seision cuid díobh
ann a láimh, agus do shiubhail roimhe
dhá ithe, agus tháinic chum a athar agus
a mhathar, agus thug cuid de dhóibh,
agus a dúadarsan sin: achd níor inni
sé dhóibh gur bhean sé an mhil as
conablach an leomhuin.
10 Ann sin do chuaidh a áthair sios mar
a raibh an bhean, & do rinne Samson ba-
intheis annsin: óir is mar sin do ghnáth-
thuighedis na dáoine óga dhéanamh.
11 Agus tárla a núair do chonnair-
cadar é, go ttugadar tríochad companach
mar chuideachda dhó.
12 Agus a dubhairt Samson riú, cuir-

fé mé tomhus annois oruibh: má fhúas-
clan sibh dhamh é go deimhin táobh
a stigh do sheachd lá an nféasta, agus
má gheibhthi an chiall fhíre,annsin do
bhéara mé tríochad leine dháoibh, agus
tríochad culaidh éaduigh.
13 Acht muna bhfúascaltáoi dhamh
é: ann sin do bhéarthaóise dhamhsa
tríochad leíne, agus tríochad culaidh
éaduigh: agus a dubhradarsan ris,
cuir amach do thomhus, go ccluin-
mís é.
14 Agus a dubhairt sé ríu, Amach
as an té itheas tháinic biadh, agus a-
mach as an neartmhar tháinic millseachd:
agus níor fhéadadarsan ar feadh thri lá
an tomhus dfúascladh.
15 Agus tárla air an seachdmhadh lá
go ndubhradarsan re mnaoi Shamson,
tabhair air thfear go ninnseadh sé
dhúinne an tomhus,deagla go loisgfimísne
thú féin, agus tigh hathar le teinidh:
an do bhuain a bhfuil aguinn dínn do
chuireabhair fios oruinn, nó nach eadh ?
16 Agus do ghuil bean Shamson as
a choinne, agus a dubhairt sí ris. Ní
bhfuil achd fúath agad orumsa, agus ní
hionmhuin leachd mé, do chuir tú
ceist amach chum cloinne mo mhuintire,
agus níor innis tú dhamsa é: agus a
dubhairt seision ría, féach níor innis mé
dom athair nó dom mhathair é, agus
an inneosa mé dhuitsi é ?
17 Agus do ghuil sisi dá lathair
an cuid oile do na seachd lá an feadh
do mhair an féasta: agus tárla air
an seachdmhadh lá gur innis sé dhi,
do bhrigh go raibh sí roighear air,
agus dinnis sise an tomhas do chlainn a
muinntire.
18 Agus a dubhradar daoine na
caithreach ris air an sechdmhadh lá,
suil do chuáidh grian faoi, cred is
millse ná mil, agus cred is láidre ná
leomhan ? agus a dubhairtsion riú,Muna
ttreabhadh sibhsi lem cholpuidhsi, ni
fhúaisceoladh sibh mo thomhas.
19 Agus tháinic spiorad an Tighearna
air,agus do chúaidh sé síos go Hascelon,
agus do mharbh sé tríochad fear dhiobh,
agus do ghlac a néadáil, agus thug
sé culaidh éaduigh don luchd do fhúas-
cuil an cheist: agus do hadhnadh a
fhearg, agus do chuáidh sé súas gó
tigh a athar.
20 Ar a nadhbharsin tugadh bean
Shamson dá chumpanach,noch dá ndear-
na sé a chara.

CAIB. XV.

Do loisg 300 Sionnaich Shamson, an gort. 14 Lé cnáimh gheill asail do mharbhadh míle Philistíneach.

ACh tárla a ccionn tamuill na dhiá-
ighsin a nam fhóghmhair na
cruithneachda, go ndeachuidh Sa
dféachuin a mhná lé meannán:
a dubhairt sé, rachuidh m
steach mar a bhfuil mo bhean
tseomra; achd níor fhuiling a ha
dhó dul a steach.
2 Agus a dubhairt a hathair,
shaoil mis go deimhin gur fh
tú thríd amach í, uime sin thug mé
chompanach í: nach sciamhaighe
deirbhshiúr is oige ná isi ? guidhim
gabh chugad í na háit.
3 Agus a dubhairt Samson di
obhsan, annois biáidh mé ní is neam
chiontuigh ná na Philistinigh, gidh
ndéana mé urchoid dóibh.
4 Agus do imthigh Samson, ag
do ghabh sé trí chéad sionnach, ag
do ghabh aithinneadha, agus diompó
gach dá earball chum a chéile, ag
do cheangail aithinne idir gach
earball.
5 Agus a nuair do chuir sé na h
inneadha tré theinidh, do léig sé
imtheachd ar fud ghort na Phili-
stíneach, agus do loisg araon
cuidhe, agus a ngort, maille na
bhfíneamhnuibh, agus a ccrainn ola.
6 Ann sin a dubhradar na Phili-
stinigh, cia rinne so ? agus do fhreagr-
darsan, Samson clíamhuin an Tim-
tigh, do chionn gur bhean sé a bhean
de, agus go ttug sé dhá chompanach í.
Agus tangadar na Philistinigh súas,
agus do loisgeadar í féin agus a hathair
lé teinidh.
7 Agus a dubhairt Samson ríu, m
go ndéarnabhair so, gidheadh
dhéanadsa díoghaltas oruibh, agus a
dhiáigh sin sguirfe mé.
8 Agus do bhuáil sé íad, lein
ladhairg, ré hár mór, agus do chuáidh
sé síos, agus do chomhnuigh sé a mu-
lach na cairge Etam.
9 Ann sin do chúadar na Philistinigh
súas, agus do shuigheadar ann Júdah,
agus do leathnuigheadar iad féin a Lehi.
10 Agus a dubhradar muintir Júdah,
Cred fá ttangabhair súas ar ar n-
uidhne ? agus do fhreagradarsan, tha
gamar a níos do cheangal Shamson,
go ndéanmaois ris mar do rinne seision
rinne.
11 Ann sin do chúadar trí mhíle
fear do Júdah go mullach na cairge
Etam, agus a dubhradar ré Samson
nach bhfuil a fhios agadsa go bhfuil
na Philistinigh na nachdaranuibh ós ar
ccionne ? cred é so do rinne tú oruinn ?
agus a dubhairt seision ríu, amhuil a
do rinneadar orumsa, marsin do rin
misi orrasan.
12 Agus a dubhradarsan ris, tha
gamairne a níos dot cheangal,
ttugmaois a láimh na Bhphilistíneach
thú: agus a dubhairt Samson ríu,
gaidh bhur mionna dhamh, nach
sidhe féin orum.
13 Ag

13 Agus do labhradar ris, dha rádh,
... thuithsiom, achd ceangólam go dain-
... thú, agus do bhéaram ann a
... tú; achd go deimhin ní mhuirfiom
... Agus do cheangladar é lé dhá chór-
... nuadha, agus rugadar súas ón char-
... é.
14 Agus a nuáir tháinic sé go
... hi, do gháireadar na Philistínigh na
... idh, agus táinic spiorad an Tigh-
... rna go cumhachdach airsion, agus
do bhádar na córduidh do bhí ar a
lámhuibh mar líon do loisgfidh lé tei-
... nidh, agus do scaóileadar a cheangail
dá lámhuibh.
15 Agus fuáir sé núadhchnáimh géill
asail, agus do chuir a lámh amach,
agus do ghlac é, agus do mharbh
míle fear.
16 Agus a dubhairt Samson, Re
cnáimh géill asail, carnán ar chárnan-
uibh, lé giall asail do mharbh mé míle
fear.
17 Agus tárla a nuáir do chríochnuigh
sé an chaint, gur theilg sé an cnáimh
géill as a láimh, agus thug Ramat-Lehi
dainm ar a náit sin.
18 Agus do bhí ró thart air, a-
gus do ghoir ar an TTighearna,
agus a dubhairt, thug tú an súasgladh
mór so re láimh do sheirbhísigh, a-
gus anois an bhfuighe mé bás don
tart, agus tuitim a láimh na neimhth-
imchilligheárrtha!
19 Ach do scoilt Día áit tholl do
bhí annsa ngiall, agus tháinic uisge as,
agus a nuair do ibh sé deoch, tháinic
a spiorad a rís, agus do aithbheo-
dhuigh sé: uimesin do ghoir sé don
náit En-hacore, noch atá a Lehi gus a
niugh.
20 *Agus do rinne sé* breitheamhnus
ar Israel a *laéthibh* na Bhphilistíneach
fithche bliadhain.

CAIB. XVI.

Rug Samson doirsi gheata Ghása leis. 5 Mheall a leannán é. 22 Do mharbha sé na Philistínigh, &c. bhásuigh sé.

ANsin do chuaidh Samson go Gasa,
agus do chonnairc meirdreach ann
sin, agus do bhí aice.
2 Do hinnseadh do na Gasitibh,
ga rádh, tháinic Samson annso: agus
tangadar na thimchioll, agus do chuirea-
dar luigheachan roimhe air feadh na
hoidhche a ngeata na caithreach, agus
do bhádar suaimhneach air feadh na ho-
idhche, gha rádh, bíam ar ttochd, go
solus na maidne, annsin muirfeam é.
3 Agus do luigh Samson go mea-
dhon oidhche, agus deirigh san meadhon
oidhche, agus do ghlac doirsi gheata na
caithreach, agus an dá phosta, agus
dimthigh roimhe léo, maille ris an
mbarra, agus do chuir ar a ghuaillibh
íad, agus rug súas ar mhullach cnoic
atá ás coinne Hebron, íad.
4 Agus tárla na dhiáigh sin gur
grádhuigh sé bean a ngleann Sorec dar
bhainm Dalilah.
5 Agus tangadar tighearnuidhe na
Bhfhilistíneach chuice, agus a dubhra-
dar ría, meall é, agus féach cáit a
bhfuil a neart mór, agus ciondus fhéad-
fuimne buáidh do bhreith air, chor go
bhféadfam a cheangal da phíanadh: agus
do bhéaram dhuit gach aon aguinn
áoinchéaddéag píosa airgid.
6 Agus a dubhairt Dalilah re Sam-
son, Guidhim thú, innis damh cáit a
bhfuil do neart mór, agus cred lé bhféad-
fuidhe do cheangal, lé a bpianfuidhe
thú?
7 Agus a dubhairt Samson ría, má
cheangluid síad mé lé seachd ngaduibh
úra, nach ar tiormuigheadh a ríamh,
ann sin biáidh mé lag, agus biáidh mé
mar gach nduine eile.
8 Ann sin tugadar tighearnuidh na
Bhphilistíneach chuice súas seachd ngaid
úra, nach ar tiurmuigheadh fós, agus do
cheangail sí léo sin é.
9 Annois do bhádar daoine a luidh-
eachán ag furreach léithsi san tseom-
ra, agus a dubhairt sí ris, atáid na Philistí-
nigh [ar tteachd] ort a Shamson, agus
do bhris seision na gaid mar do
brisfeadh snáithe barruigh a nuair bhea-
nas teinidh ris: mar sin nar bhfios a
neart.
10 Agus a dubhairt Dalilah re
Samson, féuch do rinne tú magadh or-
um, agus dinnis tú bréag dhamh: an-
nois guidhim thú, innis damh, cred lé
bhféadfuidh do cheangal.
11 Agus a dubhairt seision ría, má
cheangluid síad go daingean mé lé rópa-
dhuibh núadha nar cuireadh a ríamh a
bhféidhm, ann sin biáidh mé lag, agus
biáidh mé mar gach nduine eile.
12 Uime sin do ghlac Dalilah rópadha
nuadha, agus do cheangail eision léo,
agus a dubhairt sí ris, atáid na Phili-
stínigh ort a Shamson. (Agus do
bhádar daóine a luidheachán annsa
tseomra.) agus do bhris sé íad mar
shnáithe dhá lámhuibh.
13 Agus a dhubairt Dalilah re Sam-
son, go nuige so do mheall tú mé:
agus dinnis tú bréaga dhamh: innis
damh cred ler bhféidir do cheangal.
Agus a dubhairt seision ría, má fhíghionn
tú seachd nduáil mo chinn leis an
ngarmuin.
14 Agus do dhaingnidh sí íad leis
an ttáirnge, agus a dubhairt sí ris,
atáid na Philistínigh ort a Shamsoin:
agus do mhúscail sé as a chodladh,
agus dimthigh roimhe maille re tá-
irnge na garman, agus leis an ngar-
muin féin.

15 Agus a dubhairt sisi ris, cion-
nus fhéadus tú a rádh, is ionmhuin liom
thú, a nuáir nach bhfuil do chroidhe
leam? do mheall tú mé na tri huáiresi,
agus níor innis tú dhamh cáit a bhfuil
do neart mór.
16 Agus tárla a nuáir do bhí si dhá
shárughadh gach laói lé na bríathraibh,
agus gur choimhéignigh si é, iondus gur
bhuáidhir si a anum chum báis:
17 Ar chor gur innis di a chroidhe
uile, agus go ndubhairt ría, níor
cuireadh sgían bhearrtha ríamh ar mo
cheann: do bhrígh gur Nasariteach do
Dhia mé ó bhroinn mo mhathar; ma
bheárrtar mé, annsin rachaidh mo neart
uáim, agus biáidh mé lag, agus biád
mar dhuine eile.
18 Agus a nuáir do chonnairc Da-
lilah gur innis sé a inntin uile dhi,
do chuir si fios, agus do ghoir si
Tighearnuigh na Bhphilistineach, gha
rádh, tigidh súas a nuáirsi: óir do
fhoillsigh sé a chroidhe uile dhamh.
Annsin tangadar Tighearnuigh na
Bhphilistineach súas chuice, agus tugadar
airgiod leó na laímh.
19 Agus thug si air codladh ar a
glúinibh, agus do chuir fios ar óglach,
agus thug si air na seachd ndúail do bhí
ar a cheann do bhearradh, agus do
thionnscuin si a bhuáidhreádh, agus do
chuáidh a neart úadh.
20 Agus a dubhairt si, ataid na
Philistinigh ort a Shamson: agus do
mhúscail sesion as a chodladh agus a
dubhairt sé, rachaidh mé amach mar
uairibh eile roimhe, agus croithfidh mé
mé féin: agus níor bhfeas dó gur im-
thigh an Tighearna uadh.
21 Ach do ghabhadar na Philis-
tinigh é, agus do bheanadar a shúile
as, agus tugadar sios go Gasa é, agus
do cheangladar é le boltuighibh práis,
agus do bhí sé ag meilt a ttigh an
phríosúin.
22 Achd cheana do bhí gruag a
chinn ag fás a rís amhuil is a núair do
bearradh é.
23 Ann sin do chruinnigheadar Ti-
ghearnuidh na Bhpilistineach a bhfo-
chair a chéile dofráil iodhbartha móire
dá ndia Dágon, agus do dheánamh
gairdeachuis: óir a dubhradar, thug ar
ndia Samson ar námhuid ionar láimh.
24 Agus a núair do chonncadar an
pobal é, do mholadar a ndia: óir a
dubhradar, thug ar ndía ar námhuid
ionar lámhuibh, agus argthóir ar ttíre,
noch do mharbh morán dinn.
25 Agus tárla a núair do bhadar a
gcroidhthe súgach, go ndubhradar, goi-
ridh ar Shamson go ndéana sé súgradh
dhúinn: agus do ghoireadar ar Shamson
as tigh an phríosúin, agus do rinne sé
spórt dóibh, agus do shuigheadar idir
na pilearuibh é.
26 Agus a dubhairt Samson ris an
mbúachuill agá raibh sé air láimh
dhamh breith ar na piléar...
seasann an tigh, go léigidh mé orra
27 Annois do bhí an tigh lán d...
agus do mhnáibh, agus do bhí
ghearnuidh na Bhphilistineach uile
agus do bhí ar mhullach an t...
mhíle fear agus bean do bhí ag f...
an feadh do bhí Samson ag d...
spoirt.
28 Agus do ghoir Samson ar a T...
earna, agus a dubhairt sé, a Th...
Día, guidhim thú, cuimhnigh orm
neartuigh mé a néanuáirse amháin a
iondus go ndéanuinn dioghaltas a...
seachd ar na Philistineachuibh ar son
dhá shúl.
29 Agus do ghlác Samson ...
don dá phosta meadhonach, noch ...
ag congmháil an tighe súas, agus ...
hiomchradh é a náirde, ar philéar
le na láimh dheis, agus air a ...
eile le na láimh chlé.
30 Agus a dubhairt Samson, ...
bás a néinfeachd leis na Philis...
do chrom é féin lé na neart uile, ...
thuit an tigh air na Tighearn...
agus air a raibh ann do dhaóinibh: ...
nus gur mó na mairbh do thuit ...
bhás, ná an mhéid do mharbh sé ...
bheathuigh.
31 Ann sin tangadar a dhearb...
thre, agus tigh a athar uile ...
agus tugadar leó súas é, agus do adh...
ceadar é idir Sorah agus Eshtol, a ...
adhlaicthe Mhanoah a athair: agus
rinne sé breitheamhnus ar chloinn I...
fichthe blíadhan.

CAIB. XVII.

*Eachdardha ar Mhícah, ann aimsir ...
crábhadh ag fáilneadh.*

AGus do bhí duine do shlíabh Ephr...
dar bhainm Micah.
2 Agus a dubhairt sé re na mhath...
an táoin chéddéag Secel airgid ...
uaid, air son a raibh tú ag mallughadh
agus far labhair tú mar an gcéadna ...
shiaghnuisisi, féach, atá an t...
agumsa, is misi do ghlac é. A...
dubhairt a mhathair, go madh ...
nuigh thusa ón TTighearna, a mhic
3 Agus a núair da aisig sé ...
táoinchéddéag Secel airgid dá mhath...
a dubhairt a mhathair, do bhron...
an tairgiod go hiomlán don Tigh...
om laímh, ar son mo mhic do ...
namh iomháighe grábhálta agus ...
áighe leaghtha: anois uimesin ...
mé dhuitsi é.
4 Gidheadh do aisic sé an tairgiod ...
mhathair, agus do ghlac a mhathair ...
chéad Secel airgid, & thug iad don ...
noch do rinne iomháigh grábh...

us iomháigh leaghta dhíobh ; agus do
dar a ttigh Mhicah.
5 Agus do bhí ag an bhfearſa Mi-
tigh dée, agus do rinne Ephod,
Teraphim, agus do choiſrig
di mhacaibh, noch do bhí na
gart aige.
6 Ann ſna líethibhſin ní raibh Rígh
bith a Nifrael, achd dó níodh gach
an ní budh ſearr do chití dhó
ſin.
7 Agus do bhí óganach as Betelem-
do threibh Júdah, noch do bhí na
Lebhiteach, agus do bhí ar cuáirt ann
ſin.
8 Agus do imthigh an tóglach amach
as an gcathruigh as Betelem-Júdah do
dhéanamh comhnuigh mar a bhfuigh-
eadh (ionad,) agus táinic go Slíabh
Ephraim go tigh Mhicah ann a thu-
ras.
9 Agus a dubhairt Micah ris, ca
bhfuil as a ttáinic tuſa? agus a du-
bhairt ſeiſion ris, is Lebhíteach mé ó
Bhetelem-Júdah, agus atáim ag trí-
all ar cuairt mar a bhfuighe mé
áit.
10 A dubhairt Mícah ris, fan am
fhochair, agus bí ad athair agus ad
ſhagart agam, agus do bhéara mé deich
Secel airgid dhuit ann ſa bhliadhuin,
agus culaidh éaduigh, agus do bhíadh ;
marſin do chúaidh an Lebhiteach a
ſteach.
11 Agus do budh toil leis an Lebhite-
ach ſuireach ag an nóglach, agus do bhí
an tógánach dhó mar íon dá mhacaibh.
12 Agus do choiſrig Micah an Le-
bhíteach, agus do bhí an tógánach na
ſhagart aige, agus do bhí a ttigh
Mhícah.
13 Ann ſin a dubhairt Mícah, annois
atá a fhios agum go ndéana an Tigh-
earna maith dhamh, ó thárla Lebhiteach
na ſhagart agum.

CAIB. XVIII.

Imbholadh threabh Dhan.

AN ſna laéthibhſin ní raibh Rígh ar
bith a Níſrael ; agus ann ſna lae-
thibhſin d'iarr treabh Dhan oighreachd
dóibh féin ann a gcoimhneochaidís :
oir níor thuit a noighreachd [uile] chuca
a measc threabh Iſrael go nuige an lá
ſin.
2 Agus do chuireadar clann Dan
cúigear dá muintir as a ttír, dáoine
ſearachda ó Shórah, agus ó Eſtaol, do
bhrath na tíre, agus dá cuartúghadh ;
agus a dubhradar riú, Eirgidhe, cúar-
túighidh an dúithche : agus iadſan a
nuair thangadar go ſlíabh Ephraim go
tigh Mhícah, d'fanadar annſin a noi-
dhcheſin,
3 A nuáir do bhádar láimh ré tigh
Mhícah daithnigheadair guth an nóga-
nuigh an Lebhítigh, agus dfilleadar a
ſteach ann ſin, agus dubhradar ris, cía
thug thuſa annſo? agus cred do ní-
tú annſa náitſi, agus cread atá agad
annſo?
4 Agus a dubhairt ſeiſion ríu, marſo
agus marſo do ní Mícah riom, agus do
ghlac ſé mé air thuaruſdal, agus is mé
a ſhagart.
5 Agus a dubhradarſan ris, guidhim
thú, iarr comhairle ar Dhía, chor go
mbiá a fhios aguinn a néireochuidh
go ſona dhúinn an tſlighe a bhfuilmid
ag dul.
6 Agus a dubhairt an ſagart ríu,
imthighidh a ſíothcháin, a láthair an
Tighearna atá an tſlighe a rachtaoi.
7 Ann ſin do imthigheadar an cúigear
fear, agus tangadar go Láis, agus do
chonncadar na daóine do bhí annſin
mar do áitreabhadar go neimheaglach,
do réir nóis na Sidónianach ſuáimhneach,
ſocair, agus ní raibh úachdarán ar bith
ſa dúithche do chuirfeadh náire orra ſa
éinní : agus do bhádar a bhfad ó na
Sidónianachuibh, agus ní raibh cúis ea-
torra agus duine ar bith.
8 Agus tangadar mar a raibh
a ndearbhráithre go Sórah agus go
Heſtaol : agus a dubhradar a ndear-
bhráithre ríu, cred [a deir] ſibh-
ſe?
9 Agus a dubhradarſan, éirgidhe
go ndeachmaóis ſúas na naghaidh : óir
do chonncamar a ndúithche, agus féuch,
is ro mhaith í, agus an bhfuiltíſe bhur
ttámh? ná bíodh leiſg oruibh imtheachd,
agus dul a ſteach do ſhealbhughadh na
dúithche.
10 A nuáir imtheochuigh, tiocfuidhe
a ccionn daóine ſocra, agus go dúi-
thche fhairſing : thug Día ann bhur
lámhuibh í ; áit nach bhfuil easbhuidh
neithe ar bith uirre dá bhfuil ar talamh.
11 Agus do chuáidh as ſin do mhuin-
tir na Ndaniteach amach as Sorah,
agus as Eſtaol, ſé chéad fear armtha lé
harm coguidh.
12 Agus do chúadar ſúas, agús do
ſhuigheadar a Gcíriat-Iearim ann Júdah :
ar a nadhbharſin do ghoireadar do
náitſin Mahaneh-Dan gus a niugh :
féach, atá ſé táobh ſhíar do Chíriat-
Jearim.
13 Agus do chúadar as ſin go ſliabh
Ephraim, agus tangadar go tigh
Mhícah.
14 Ann ſin do fhreagradar an cúigear
do chuáidh do bhrath thíre Lais, agus
a dubhradar re na ndearbhráithribh, an
bhfuil a fhios aguibhſi go bhfuil anſna
tighthibhſi Ephod, agus Teraphim, agus
iomháigh ghrábhalta, agus íomháigh
leaghtha? annois ar a nadhbharſin meaſ-
uidh cread atá aguibh rè a dhéanamh.
15 Agus do fhilleadar don náit-
ſin

sin, agus tangadar go tigh a nógánuigh an lebhiteach, eadhon go tigh Mhicah, agus do bheannuigheadar dhó.

16 Agus do sheasadar na sé chead fear do hórduigheadh maille re na narm coguidh, noch do bhí do chloinn Dan, a ndul a steach an geata.

17 Agus do chuadar an cúigear súas noch do chuáidh do bhrath na tíre, agus tangadar a steach annsin, agus do ghlacadar a níomháigh ghrábhálta agus an Tephod, agus an Teraphim, agus a níomháigh leaghtha: agus do sheas an sagart a ndul a steach an gheata maille ris na sé chéad fear do hórduigheadh le harmuibh cogaidh.

18 Agus do chúadar so go tigh Mhícah, agus tugadar léo a níomháigh grábhálta, a níombáigh leaghtha, an Tephod, agus an Teraphim: annsin a dubhairt an sagart ríu, cred do níthí?

19 Agus a dubhradarsan ris, bíse ad thochd, agus connaimh do lámh ar do bhéul, agus tárr linne, agus bí ad athair agus ad shagart aguinn: an féarr dhuitsi bheith ad shagart tighe éanduine amháin, nó bheith ad shagart ag treibh nó ag cinéul Israel?

20 Agus do bhí croidhe an tsagairt meanmnach, agus do ghlac sé an Tephod, agus an Teraphim, agus a níomháigh ghrábhalta, agus do chuaidh sé a meadhon an tslóigh.

21 Marsin do fhilleadar, agus dimthigheadar, agus do chuireadar a gclann bheag agus a náirnéis agus a ccaráiste rompa.

22 Agus a nuair do bhádar tamall maith ó thigh Mhícah, do chruinnigheadar na daoine do bhí annsna tighthibh láimh ré tigh Mhícah, íad féin a bhfochair a chéile, agus rugadar ar chloinn Dan.

23 Agus do éighmheadar ar chloinn Dan, agus diompoigheadarsan a naighthe, agus a dubhradar ré Mícah, Cred do imthigh ort, as a tig tú le na leithéid sin do chuideachda?

24 Agus a dubhairt seision; Rugabhair libh mo dhée, noch do rinne me, agus an sagart, agus do imthigheabhuir romhuibh: agus cred atá agamsa ní as mó? agus cred so a dearthaoi riom, cred do imthigh ort?

25 Agus a dubhradar clann Dan ris, ná cluintear do ghuth ar measg, deagla go scinnfedís daoine feargacha ort, agus go gcaillfeá hanum maille re hanmannuibh do mhuintire.

26 Agus do imthigheadar clann Dan rompa, agus a núair do chonnairc Mícah go rabhadar ro láidir dhó, dfill sé, agus do chuáidh ar ais dá thigh.

27 Agus rugadarsan léo na neithe do rinne Mícah, agus an sagart do bhí aige, agus tangadar go Lais a gceann daoine do bhí suáimhneach, agus socair, agus do mharbhádar lé faobhar an chloidhimh, agus loisgeadar an chathair lé teinidh.

28 Agus ní raibh fear a t[illegible] aca, do chionn go rabhadar a [illegible] ó Shidon, agus nach raibh gnoth[illegible] aca ré héanduine; agus gur ob [illegible] ghleann atá láimh re Bet-rehob do [illegible] sé: agus do rinneadar cathair, agus áitreabhadar innte.

29 Agus tugadar Dan dainm a[r an] ccathruigh do réir anma a nathar [illegible] noch rugadh do Israel: bíodh gur L[ais] dob ainm don chathruigh an tús.

30 Agus do chuireadar clann D[an] a níomháigh ghrábhálta súas; agus [do] bhí Jonatan mhac Gersom mhic [Ma]nasseh, é féin agus a mhac, na sa[gar]taibh ag treibh Dhan go lá braid[e na] tíre.

31 Agus do chuireadar súas dói[bh] féin iomháigh ghrábhálta Mhícah no[ch] do rinne sé, ar fad na haimsire d[o] bhí tigh Dé a Silo.

CAIB. XIX.

Sdríopachus ro fhuathmhur na lebhiteach a Gibeah.

AGus tárla ann sna laethibh sin, [an] nuáir nach raibh kigh ar [illegible] a Nisrael, go raibh Lebhiteach [illegible] na chomhnuighe ar tháobh [illegible] Ephraim, noch thug leannán chuig[e] [a] Bhetelem-Júdah.

2 Agus do rinne a leannán [illegible] chus na aghuidh, agus dimthigh si [illegible] go tigh a hathar go Betelem-Júdah, agus do bhí si annsin ceithre m[illegible] lán.

3 Agus déirigh a fear, agus do ch[u]áidh na dhiaigh do thabhairt go m[illegible] dhá ría, agus dá tabhairt leis a [illegible] ar mbeith da sherbhíseach na fhochair agus cúpla assal: agus rug si a [illegible] go tigh a hathar é, agus a nuáir [do] chonnairc athair an chailín é, do bhí [illegible] athgháir air teagmháil ris.

4 Agus do chonnuimh a chlíamhain athair an chailín é, agus dfan sé [na] fochair trí lá: agus marsin do chaith[ea]dar bíadh agus deoch, agus do co[dla]dar annsin.

5 Agus tárla air an cceathramh lá, a nuair déirgheadar go moch [air] maidin, gur éirigh seision suas na [illegible] samh chum imtheachda: agus a d[u]bhairt athair an chailín ré na c[h]líamhuin, Méaduigh do mheanma lé [greim] aráin, & na dhiaigh sin imthigh rom[paibh.]

6 Agus do shuigheadar síos, agus [do] chaitheadar bíadh, agus deoch araon [a] bhfochair a chéile: óir a dubhairt athair an chailín ris a nóglach, guidhim [thú] bí suáimhneach, agús fan a noch[d] agus bíodh do chroidhe súgach.

7 Agus a nuáir do éirigh an tòglach
na ſheaſamh chum imtheachd, do bhí
athair an chailín gha ſhárughadh : uime
ſin dſan ſé annſin oidhche oile.
8 Agus déirigh go moch ar maidin
an cúigeadh lá chum imtheachdá: agus
a dubhairt athair an chailín, guidhim
thú, tóg ſúas do chroidhe: agus dſana-
dar go héis meadhon laói, agus dúadar
arión biadh.
9 Agus a nuáir do éirigh an tóglach
na ſheaſamh chum imtheachd, é féin
agus a léannán, agus a ſherbhíſeach, a
dubhairt a chliamhuin, athair an chailín
ris, féach atá an lá mall annois a ngar
don tráthnóna, guidhim thù fuiridh feadh
na hoidhche: féach, atà an lá deigh-
ionach, fan a nochd annſo, chor gó
mbúidh do chroidhe ſúgach. & a márach
éirigh go moch chum do ſhligheadh, chor
go bhfeadfa tú dúl don bhaile.
10 Ach níor bhàill leis a nóglach
fuireach a noidhche ſin, achd do eirigh
ſé ſúas, agus dimthigh, agus tháinic ſé
as coinne Jebus (noch dá ngoirthear
Jeruſalem,) agus do bhí cuingir aſſal na
fhochair ſá dhialluidibh, do bhí fós a
leannán na fhochair.
11 Agus a nuáir do bhádar láimh
ré Jebus, do bhí an lá caithte go mór,
agus a dubhairt an ſearbhfoghantuigh re
na mhaighiſtir, guidhim thú teannam,
agus filleam a ſteach don chathruighſi
na Jebuſiteach, agus glacum lóiſtin
innte.
12 Agus a dubhairt a mhaighiſtir
ris, ní fhillfiom do leathtaoibh annſin
go cathruigh choimhithigh nach bhfuil
do chloinn Iſrael, racham thairis go
Gibeáh.
13 Agus a dubhairt ſé ré na óg-
lach, teanam, agus tairngiom a bhfogus
do cheachdar don dá áith dfagháil lóiſ-
tín na hoidhche, a Ngibeáh nó a
Rámah.
14 Agus do ghluaiſiodar rompa,
agus dimthigheadar, agus do chuáidh
an ghrían ſíos orra an tan do bhádar
láimh ré Gibeáh, noch as lé Benja-
min.
15 Agus do fhilleadar do leathtáoibh
annſin do dhul a ſteach, agús do gha-
bháil lóiſtin a Ngibéah: agus a nuáir
do chuáidh ſé a ſteach, do ſhuigh ſé ar
ſhraid don chathruigh: óir ní raibh
éanduine do rug a ſteach go lóiſtin dá
thigh iad.
16 Agus féach tháinic duine aoſta
ón a obair ón mhachaire tráthnóna,
noch do bhí do ſhliabh Ephraim mar
an gcéadna, agus do bhí na chomnuighe
a Ngibeáh, achd budh Benjamitigh
muintir na háiteſin.
17 Agus a nuáir do thóg ſé a ſhúile
ſúas, do chonnairc fear gabhála ar lear
a ſráid na caithreach, agus a dubhairt
an ſeanduine, Cáit á racha tuſa, nó cáit
as a ttig tú?
18 Agus a dubhairt ſeiſion ris, atá-
muid ag teachd ó Bhetelem-Júdah, ag
dul go taoibh ſhleibhe Ephraim:
is as ſin mé, agus do chuaidh mé go
Betelem-Júdah, achd atáim a nois ag
dul go tigh an Tighearna, agus ní bhfuil
duine ar bith gabhus me dhá thigh.
19 Gidheadh atá tuighe, agus beatha
ag ar naſaluibh, agus atá arán, agus
fíon damhſa, agus dot chailín, agus don
nóganach atá a bhfochair dó ſherbhí-
ſeach: ní bhfuíl easbhuidh éainneithe
oruinn.
20 Agus a dubhairt an ſeanduine,
ſíothcháin maille leachd, gidh bé eas-
bhuidh atá ort, bíodh ſé orumſa, achd
amháin ná luigh ſa tſráid.
21 Mar ſin thug ſé leis dhá thigh é,
agus thug bíadh do na haſaluibh, agus do
nigheadar a ccoſa, agus dúadar bíadh,
agus dibheadár déoch.
22 Annois ar mbeith ag déanamh a
gcroidhthe ſúgach dhóibh, feach than-
gadar muintir na caithreach, mic
áirigh do Bheliaſ, timchioll an tighe fá
gcuairt, agus do bhuáileadar an dorus,
agus do labhradar ré fear a tighe, an
ſeanduine, ghá rádh, tabhair amach
an fear thainic dot thigh, go ccoimh-
ríachdanam ris.
23 Agus do chuáidh an tóglach fear
a tighe amach chuca, agus a dubhairt
ríú, ní headh a dhearbhraithre, ní
headh, guidhim ſibh, ná déanuidh an
leimheſi.
24 Féachuidh, atá minghion annſo,
maighdion, agus a leannánſan, do bhéara
mé iad ſin amach annois, agus umhlúi-
ghidhſi iad, agus déanuidh ríu mar as
áill libh: achd ris a nóglachſo na déa-
nuidh comhghránna ſin do ghníomh.
25 Ach ní thugadar na dáoine to-
radh air; annſin do ghlac an tóglach a
leannán, agus rúg amach chuca í; agus
do bhádar aice, agus do thruaillio-
dar í ar feadh na hoidhche, nó go
ttainig maidin: agus a núair do
thionnſguin an lá éirghe, do léigiodar
dhi imtheachd.
26 Ann ſin tháinic an bhean a muiche
laoi, agus do thuit ſíos a ndorus tighe
a nogluich mar a raibh a Tighearna, nó
go raibh an ſolus ann.
27 Agus déirigh a Tighearna ar mai-
din, agus do chuaidh amach dimtheachd
roimhe: agus féach do bhí an bhean a
leannán ar ttuitim a ndorus an tighe,
agus do bhádar a lámha air a
tairſigh.
28 Agus a dubhairt ſeiſion ría, éirigh
ſúas, agus bíam ag imtheachd; achd
níor fhreagair ſí é. Anſin do thóg an
tóglach ſúas ar a aſal í, agus déirigh
an tóglach ſúas, agus do chuáidh dá
àit féin.
29 Agus a núair tháinic dhá thigh, do
ghlac ſé ſgían, agus rug ſé air a
leannán, agus do roinn ſé í maille re na
cnámhuibh

cnámhuibh ann ndá chuid déag, agus do
chuir úadh í go huile chóstuidh Israel.
30 Agus is amhluigh bhí, gach uile
dhuine dá bhfacaidh sin, go ndubhradar
nach deárnadh a leitheid sin do ghníomh
agús nach bhfacus ón ló fá ttangadár
clann Israel amach as crích na Hégipte
gus a niugh: measuigh sin, gabhaidh
comhaírle, agus labhruidh.

CAIB. XX.

Fir Bhenjamin, ar búaladh chlainn Israel dhá uaire dhóibh, do thuiteadar fá dheire.

AN sin do chúadar clann Israel
uile amach, agus do chruinni-
gheadar an comhchruinniughadh a bhfo-
chair a chéile amhuil éanduine amháin,
ó Dhan go Beersébo maille ré tír Ghilead,
chum an Tighearna a Mispeh.
2 Agus do thaisbéanadar uaisle an
phobail, threabha Israel uile, íad féin a
ccomhchruinniughadh mhuinntire Dé,
ceithre chéad míle coisigh do tharruing
cloidheamh.
3 (Annois do chúaladar clann Bhen-
iamin go ndeachadar clann Israel súas
go Mispeh.) Ansin a dubhradar
clann Israel, innis dúinn cionnus do bhí
an tolcso.
4 Agus do fhreagair an lebhíteach,
fear na mná do marbhadh, agus a dubh-
airt, tháinic misi go Gibeáh noch is le
Benjamin, mé féin agus mo leannán do
ghabháil lóistín.
5 Agus do éirgheadar muintir Ghi-
beah am aghaidh, agus tangadar tim-
chioll an tighe orum san noidhche, agus
do bhreathnuigheadar mo mharbhadh:
agus deignigheadar mo leannán, ionnus
go bhfúair sí bás.
6 Agus do ghlac misi mo leannán,
agus do ghearr mé na píosuighibh í,
agus do chuir mé ar feadh chríche oigh-
reachda Israel í: óir do rinneadar mí-
ghníomh agus leimhe a Nisrael.
7 Féachuidh, is clann Israel sibh uile
tugaidh bhur tteagasg, agus bhur ccomh-
airle uaibh annso.
8 Agus deirgheadar an pobal uile mar
éanduine amháin, ghá rádh, ní racham
éanduine dá lóistín, ní mó fillfiom éan-
duine dhá thigh:
9 Acht annois sé so ní do dhéanam ré
Gibeah, rachum súas lé crannchar na
haghaidh.
10 Agus béaram deichneamhar as a
ccéad ar feadh uile threabh Israel, agus
céad as a míle, agus míle as na deich
míle, do bhreith lóinn chum an phobal,
chor go ndéanuid, a núair thiocfaid go
Gibeah Bhenjamin, do réir a nuile leimhe
dar oibrigheadar ann Israel.
11 Marsin do bhádar clann Israel
uile ar na gcruinniughadh a naghaidh na
caithreach ceangailte dhá cheile
éanduine amháin.
12 Agus do chuireadar treabha I
uile daoine ar feadh threibhe Bh
min, dhá rádh, cread an tolcso do
neadh bhur measc?
13 Annois ar a nadhbharsin fe
duigh dhúinne na daoine, clann Bh
atá a Ngibeáh, go ccuirmís chum bás
agus go ccuirmís an tolc amach as Is
achd ní thugadar clann Bhenjamin
teachd do ghlór a ndearbhráith
clann Israel.
14 Acht do chruinnigheadar c
Bhenjamin íad féin a cceann a chéile
mach as na caithreachaibh go Gibe
do dhul amach chum catha a naghai
chloinne Israel.
15 Agus do háirmheadh do chl
Bhenjamin san namsin amach as na cai
reachaibh, fithche agus sé míle fear d
tharruing cloidheamh, táobh amach dá
reabhaibh Ghibeáh, noch do chomh
mheadh seachd ccéad fear toghtha.
16 A measc an phobail so uile d
bhádar seachd ccéad fear toghtha
mhacha, agus gach áon díobhso
sach ar chloich do chaitheamh a
tábuill sa leathad ruibe, agus
sheachna.
17 Agus do háirmheadh fir Israel
táobh amuigh do Bhenjamin, ceithre
chéad míle fear do tharruing cloidheamh
do bhádar so uile na luchd cogaidh.
18 Agús déirgheadar clann Israel,
agus do chúadar súas go tigh Dé, a
diarradar comhairle ar Dhía, agus a
dubhradar, cía haguinn rachus súas a
ttús do throid a naghaidh chloinne Ben
jamin? agus a dubhairt an Tighearna,
rachaidh Júda ar ttús.
19 Agus déirgheadar clann Israel
ar maidin, agus do rinneadar campa a
haghaidh Ghibeah.
20 Agus do chúadar fir Israel
amach chum catha a naghaidh Bhen
min, agus do chuir fir Israel iad féin a
nórdughadh na naghaidh do thro
ag Gibeáh.
21 Agus tangadar clann Bhen
min amach as Gibeáh, agus do mh
bhadar síos go talumh do na Hisr
elítibh an lásin fithche agus dá mh
fear.
22 Gidheadh do mheisnigheadar a
pobal, fir Israel, íad féin, agus do ch
readar a gcath a rís a nórdughadh a
sa náit ar chuireadar íad féin a nór
ghadh an chéad lá.
23 Agus do chúadar clann Israel s
agus do ghuileadar a lathair an Ti
earna go tráthnóna, agus díarradar c
mhairle ar an Ttighearna, dhá rádh
an racha misi súas a rís chum catha a
naghaidh chloinne Benjamin mo dhear
bhrathair, agus a dubhairt an Tighear
na, téighidh súas ná aghaidh.

24 Agus

24 Agus tangadar clann Israel a bhfogus a naghaidh chloinne Benjamin an dara lá.

25 Agus do chuáidh Benjamin amach na naghaidhsion as Gibeah an dara lá, agus do mharbhadar a rís do chloinn Israel síos go talumh ochd míle dhéag fear; do thairrngiodar so uile cloidheamh.

26 Ann sin do chúadar clann Israel uile, agus an pobal uile súas, agus tangadar go tigh Dé, agus do ghuileadar, agus do shuigheadar annsin as coinne an Tighearna, agus do throisgeadar an lá sin go tráthnona, agus dofriladar íodhbhairt loisge, agus ofrala síothchána a bhfiaghnuisi an Tighearna.

27 Agus dfiafruigheadar clann Israel don Tighearna, (óir do bhí Airc chumnartha Dé ann sinn ansna láethibhsin,

28 Agus do sheas Phinehas mhac Eleásáir mhic Aaron dá lathair sna laethibh sin) ga rádh, an racha mé amach a rís chum catha a naghaidh chloinne Benjamin mo dhearbhrathair, nó an ligfidh mé; & a dubhairt an Tighearna, imthigh súas: óir a márach toibheoruidh misi ad láimh iad.

29 Agus do chuireadar Israel luchd luidheacháin timchioll sá gcuáirt Ghibeah.

30 Agus do chúadar clann Israel súas a naghaidh chloinne Benjamin an treas lá, agus do chuireadar íad féin a nórdughadh catha a naghaidh Ghibeáh mar na huáiribh oile.

31 Agus do chúadar clann Bhenjamin amach a naghaidh an phobail, agus do tairngeadh ón ccathruigh amach íad, agus do thosuigheadar ar na daoinibh do bhualadh, agus a marbhadh mar na huairibh oile, annsna slighthibh móra (téid slighe dhíobh súas go tigh Dé, agus an tslighe oile a sleach go Gibeah annsa machaire) timchioll thríochad fear do Israel.

32 Agus a dubhradar clann Bhenjamin, atáid so ar na mbúaladh fós romhuinn mar an ccéd uair: achd a dubhradar clann Israel, teithiom rompa, agus táirngeam ón ccathruigh íad, chum na slighe móire.

33 Agus déirgheadar fir Israel uile súas as a náitibh, agus do chuireadar íad féin a nórdughadh catha ann Baaltamar: agus tangadar luidheacháin Israel amach as a náitibh, eadhon as móinsheáruibh Ghibeah:

34 Agus tangadar a naghaidh Ghibeah deich míle fear toghtha amach as Israel uile, agus do bhí an cath doilghe: achd cheana ní raibh a fhios aca go raibh olc a bhfogus dóibh.

35 Agus do chlaóidh an Tighearna Benjamin roimhe Israel, agus do mharbhadar clann Israel do na Benjamítea- chaibh an lá sin, fithche agus cúig mhíle agus céad fear: do thairngiodar so uile cloidhiomh.

36 Marsin do chonncadar clann Bhenjamin gur cláoidheadh íad féin: oir do léigiodar fir Israel na Benjamitigh orra, do chionn go raibh dóigh aca as na luigheachanuibh do chuireadar gacha taobha do Ghibeáh.

37 Agus do rinneadar na luidheacháin deithnios chuca, agus do lingeadar ar Ghibeah, agus ar ttabhairt comhartha úatha, do bhúaileadar án chathair uile le fáobhar an chloidhimh.

38 Annois do bhí comhartha cinnte eidir fhearuibh Israel agus na luidheacháin, go ndéanaidis lasair mhór maille re deatuighe ag éirghe súas as an gcathruigh.

39 Agus a núair do iompoigheadar fir Israel ar a nais ann sa ccath, do thionsguin Benjamin timchioll thríochad fear Disrael do mharbhadh; óir a dubhradar, go deimhin atáid síad ar fágbháil romhuinn, amhuil is annsa chéad chath.

40 Acht a núair do thionsguin an lasair éirghe súas as an cathruigh, maille re néull deatuigh, damhairceadar na Benjamitigh na ndiáigh, agus feach, do éirigh lasair na caithreach súas go neamh.

41 Agus a núair do fhilleadar fir Israel a rís, do ghabh uathbhás fir Bhenjamin; óir do chonncadar go ttáinig olc chuca.

42 Uimesin do iompoigheadar a ccúl roimhe chloinn Israel a slighe an nfásaigh, achd rug an cath orra: agus do mharbhadar ann a lár an luchd thainic amach as na caithreachaibh oile.

43 [Marso] do íadhadar timchioll na Mbeniamíteach sa gcúairt, agus do thíomáineadar íad, agus do shaltradar orra síos gan docamhal, thall as coinne Ghibeah leath re héirghe na gréine.

44 Agus do thúit ann sin do Bhenjamin ochd míle dhéag fear; fir chalma iadso uile.

45 Agus do fhilleadar, agus do theitheadar leath ris an bhfásach go carruig Rimmon: agus do dhíoghlomadar dhiobh ar na slighthibh móra cuig mhíle fear, agus do leanadar orra go daingean go Gidom, agus do mharbhadar dhá mhíle fear dhiobh.

46 Iondus gur bé ar thuit do Bhenjamin an lá sin, fithche agus cúig mhíle déag fear do tharruing cloidheamh: fir chalma íad sin uile.

47 Ach do fhilleadar sé céad fear, agus do theitheadar chum an nfásaigh go carruig Rimmon: agus dfanadar a gcarruig Rimmon ceithre mhí.

48 Agus do iompoigheadar fir Israel a rís ar chloinn Bhenjamin, agus do mhuigheadar íad le faobhar an chloidhimh:

dhimh, araon daoine gacha caithreach,
agus an tainmhidh,agus fós a nuile ní da
bhfuáradar : do chuireadar mar an gcéad-
na na caithreacha uile, mar a ttangadar,
tré theinidh.

CAIB. XXI.

Do ath-nuadhuígheadh treabh Bhenjamin,tar-éis bheith claoidhthe gu mór.

ANois tugadar fir Israel mionna a Mis-
seph, dhá rádh, Ni thiubhra éin-
neach aguinne a inghean do Bhenjamin
na mnaoi.
2 Agus tangadar an pobal go tigh Dé,
agus dfanadar ann go nóin a lathair
Dhé, agus do thógbhadar súas a nguth,
agus do ghuileadar go géar.
3 Agus a dubhradar, a Thighearna
Día Israel, Cred fá ttárla so ann Israel,
go mbiath a niugh treabh deasbhuigh ann
Israel.
4 Agus tarla ar na mhárach gur éir-
gheadar an pobal go moch, agus go
ndeárnadar altóir ann sin, agus gur of-
ráladar íodhbuirt loiscte, agus ofráil
shíothchána.
5 Agus a dubhradar clann Israel, Cía
atá a measg uile threabha Israel, nach
ttáinic súas ris an ccomhchruinniughadh
chum an Tighearna? óir thugadar mion-
na móra a ttaobh an té nach dtáinic súas
chum an Tighearna go Misseph, gha
rádh, Cuirfighear go deimhin chum
báis é.
6 Agus do ghabh aithreachus clann
Israel fá na ndearbhrathair Benjamin,
agus a dubhradar, Atá treabh ar na
gearradh thríd amach ó Israel a niugh.
7 Cred dhéanam fa mhnáibh don
mhéid mhairios, do bhrígh go ttugamar
an Tighearna mar mhionnuibh, nach
dtiubhramaois ar ningheana dhóibh mar
mhnáibh?
8 Agus a dubhradar, cía an duine do
threibh Israel nach dtáinic súas go Mis-
peh chum an Tighearna? agus féach,
ní tháinic éainneach don champa ó
Jabes-Gilead chum an chomhchruinnigh.
9 Oír do háirmheadh an pobal, agus
feach,ní raibh éainneach don champa ó
Jabes-Gilead annsin :
10 Agus do chuireadar an comh-
chruinniughadh uátha annsin dhá mhíle
dhéag fear don droing bá beódha dhíobh,
agus daithnigheadar dhíobh, ga rádh.
eirgidhe, marbhuidh áitreabhuigh Jabes-
gilead le faobhar an chloidhimh,na mná
fós agus na leanba.
11 Agus sé so an ní do dhéantaoi,
scriosfuidhe thríd amach gach uile
fheardha, agus gach uile bhannda do
luigh le fear.
12 Agus fuáradar a measc áitreabhach
Jabes-gilead ceithre chéad maighdion
ógmhná ag nach raibh fios fir, le luighe
re fear ar bith : agus tugadar leó iad
don champa go Siloh, noch atá a ttír
Chánan.
13 Agus do chuireadar an cómhc
nniughadh uile daóine do labhair
cloinn Bhenjamin, noch do bhí ar
ruic Rimmon dá ngairm go síothchán
14 Agus táinic Benjamin a rís
namsin, agus tugadar na mná dh
noch do chumhdaigheadar beo
mhnáibh Jabes-gilead : gidheadh fós
thugadar mar sin a ndíol dóibh.
15 Agus do ghabh aithreachus
pobal fá Bhenjamin,do chionn go nde
an Tighearna briseadh a ttreabh
Israel.
16 Ann sin a dubhradar seanóirigh
chomhchruinnigh, Cred do dhéanam
gháil ban don mhéid mhairios, ó
ladh na mná as Benjamin?
17 Agus a dubhradarsan, caithfe
oighreachd do bheith ag an mhéid
chuaidh as do Bhenjamin, chor
scriostar amach treabh ó Israel.
18 Gidheadh ní fhéadmaoid mné
thabhairt dóibh dar ningheanuibh
óir thugadar clann Israel mionna,
rádh, go ma malluigh an té
bean do Bhenjamin.
19 Ann sin a dubhradarsan,
ata féasta don Tighearna a Siloh
bliaghna, noch atá don táobh thuaith
Bhetel, don táobh shoir don
mhóir, noch téid súas ó Bhetel
Schechem, agus táobh ó dheas
Lebonah.
20 Uime sin do aithnigheadar
chloinn Bhenjamin, gha rádh, éirghidh
agus cuirigh luidheachán an sna
eamhnuibh :
21 Agus féachuidh, agus
aire má thigid ingheana Shiloh
do dhéanamh ringthe, annsin
amach as na fineamhnuibh, agus
cadh gach éanduine aguibh a bhean
dingheanuibh Shíloh, agus éirgidhe
tír Bhenjamin.
22 Agus is amhlúigh bhias a
thiocfaid a naithre, nó a ndearbhr
do chasaóid rinne, go naibéoram
bithí muinteardha ríu air ar son,
chionn nar sábhálamar a bhean
dá gach nduine annsa chogadh; óir
sibhsi thug dhóibh a nuairsi, as go
adh sibh ciontach.
23 Agus do rinneadar clann Bhen
min mar sin, agus tugadar mná
do réir a nuibhre don luchd bhí
damhsa, noch air a rugadar : agus
thigheadar, agus dfilleadar dá
reachd, agus do athnuaidheadar na
reacha agus do áitreabhadar ionta.
24 Agus dimthigheadar clann
rompa as sin an tansin, gach
threibh féin, agus chum a mhuintire,
gus dimthigheadar amach as sin gach
dá oighreachd féin.
25 Ní raibh Rígh ar bith a Nisrael
ansna láethibhsin ; do níodh gach
an ní budh toil leis féin.

LEABHAR

LEABHAR RUT.

CAIB. I.

cheangail Rut gu grádhach re na mathair-chleamhna.

A Nois tárla annsna laéthibh
a rabhadar na breithea-
mhuin na nuachdaránuibh
go raibh gorta sa dúith-
che ; agus do chuáidh
duine áirigh do Bhetelem-
Júdah do chomhnuidhe go
tír Mhoab, é féin agus a bhean agus a
dias mac.
2 Agus do bé ainm an duine E-
limelech, agus ainm a mhná Noami,
agus ainm a dheisi mac Mahlon a-
gus Chilion, Ephratitigh ó Bhetlehem-
Júdah : agus tangadar a steach go
dúthaigh Mhóab, agus dfanadar ansin.
3 Agus fuáir Elimelech fear Noami
bás, agus do fágbhadh ise agus a días
mac.
4 Agus do ghabhadarsan mná chuca
féin, do mhnáibh Mhóab; Orpah dob
ainm do mhnaói dhíobh, agus Rút ainm
na mná oile: agus do chomhnuigheadar
annsin timchioll dheich mblíadhan.
5 Agus fuáir mar an ccéadna,
Mahlon agus Chilion bás araon: a-
gus do fágbhadh an bhean gan mhaca
gan fhear.
6 Ann sin do éirigh sí maille re
na bainchleamhnuibh; chor go bhfilleadh
sí as tír Mhoab: óir do chúalaidh
sí a ttír Mhoab, mar do fhiosruigh an
Tighearna a phobal le tabhairt aráin
dóibh.
7 Uime sin do chuáidh sí amach as
a náit ann a raibh sí, agus a días
baincleamhna le, agus do ghluaisiodar
san tslighe do dhul tar a nais go
tír Júdah.
8 Agus a dubhairt Noami re na
días bhainchleamhnuibh, éirgidhe, filleadh
gach aon aguibh go tigh a mathar, go
ndéarna an Tighearna go trócaireach
ribh, mar do rinneabhairsi ris na
marbhuibh, agus riomsa.
9 Go ttugaidh an Tighearna dhaóibh
suaimhneas, dá gach áon aguibh a ttigh
a fir: annsin do phóg sí íad, agus do
thogbhadarsan súas a nguth, agus do
ghuileadar.
10 Agus a dubhradar ría, go
deimhin fillfimne leachd a gcionn
do dhaóine.
11 Agus a dubhairt Noami, fillidh a
ingheana, cred fa rachaidh sibh liom-
sa? an bhfuilid fós mic am bhroinnse
do bhíadh na bhfearuibh aguibh?
12 Fillidh, a ingheana, imthighidh
romhuibh ; óir ataimsi ro fhoirfe do
bheith ag fear: dá nabruinn, atá dóth-
chus agum da mbeith fear agum fós a
nochd, & fós go mbéaruinn mic:
13 An bhfansadh sibhsi ríu, nó go
bhfásaidis? an bhfansadh sibh ríu ó
fhearuibh do bheith agaibh? ní headh
a inghéana, óir goillidh orum go mór ar
bhur sonsa, go ndeachaidh lámh an Ti-
ghearna amach am aghaidh.
14 Agus do thógbhadarsan a nguth ós
áird, agus do ghuileadar a rís: agus do
phóg Orpah a mathair, achd do chean-
gail Rút ría.
15 Ar a nadhbharsin, a dubhairt
sisi, féach, dfill do choimhchliamhuin ar
a hais a ccionn a daoine, agus a
gcionn a dée; fillsi a ndiaigh do
choimhchleamhna.
16 Agus a dubhairt Rút, ná híarr
orum thfágbháil, nó filleadh ó bheith ad
leanmhuin: óir gidh bé áit a racha tú
racha mé ann, agus mhar a ngeabha tú
lóistin, is ann bhiadsa: is íad do dhaoi-
ne bhus daoine dhamhsa, agus do Dhia
bhus Día dhamh:
17 Mar a bhfuighe tú bás is ann
éagsadsa, agus is annsin adhlaicthear
mé: go ndeárna an Tighearna marsin
liomsa, agus fós ni is mó, má dhealui-
ghionn einní achd bás riot mé.
18 A nuair do chonnairc sí go raibh
sí comhdhaingion sin a ninntinn chum
dul lé, annsin níor labhair sí ní is
mó ría.
19 Marsin do imthigheadar araon nó
go ttangadar go Betlehem: agus tárla
a nuáir thangadar go Betlehem,
gur buaidhreadh an chathair uile na
ttimchioll, agus go nabraidís, An í so
Naomi?
20 Agus a dubairt sisi ríu, Ná goiridh
Noami dhiomsa, goiridh Mára dhiom:
óir do roinn an tuilechumhachdach go
roishearbh rium.
21 Do chuáidh mé amach lán, agus
thug an Tighearna don bhaile mé a rís
folumh; uime sin cred fa ngoirthí No-
ami dhíom, ó rinne an Tighearna fiaghn-
uise a maghaidh, agus gur smachduigh
an tuilechumhachdach mé?
22 Marsin do fhill Noami, agus Rút
an Móabiteach a bainchliamhuin maille
ría, noch do fhill as tír Mhóab, agus
tangadar go Betlehem a ttosach fhogh-
mhair na héorna.

CAIB. II.

Rut ag Dioghluim na ndéasa arbha a machaire Bhóas, ata so ag innisead na thainig dhe.

AGus do bhi fear gaóil ag Naomi a
ttaobh a fir, duine cumhachdach a
saidhbhrios do shliochd Elimelech, agus
a sé dob ainm dhó Boas.
2 Agus a dubhairt Rút an Moabíteach
re Naomi, léig dhamhsa a nois dul san
machaire, chum déasa arbha do dhiogh-
luim a ndiáigh an té a bhfagha mé grá-
sa iona radharc: agus a dubhairt sisi
ría, imthigh a inghean.
3 Agus do imthigh sisi, agus tháinic
si, agus do bhí ag dioghluim déus a
ndiaigh na mbuanaigh annsa machaire:
agus tárla a ndán di teagmháil ar an
gcuid dôn mhachaire, noch sa le Boas,
noch do bhí do shliochd Elimelech.
4 Agus féach, tháinig Boas ó bhetle-
hem agus a dubhairt ris na buanuighibh,
Go raibh an Tighearna maille ribh: &
do fhreagradarsan é, ghá rádh, go
mbeanuigh an Tighearna thusa:
5 Ann sin a dubhairt Boas re na shear-
bhfoghantuigh do fhuirigh ós cionn na
meithle, cia ar leis an cailinsi?
6 Agus do fhreagair an searbhfoghan-
tuigh do cuireadh ós cionn na meithle,
agus a dubhairt; ag so cailin an Mhóa-
bitigh tháinic ar a hais as tír Mhóab lé
Noami:
7 Agus a dubhairt si, guidhim tú,
léig dhamh déasa do dhioghluim agus do
thionól a ndiaigh na meithle a measc na
bpunann; mar sin do tháinic si, agus
dfan ó mhaidin gus a nois, achd gur
fhan si tamall beag annsa tigh.
8 Ann sin a dubhairt Boas re Rút,
nach ccluin tú, á inghean? ná héirigh
do dhioghluim air áon mhachaire oile,
águs ná fág so, achd fan ann so go dain-
gion a naice mo chailíneadhsa.
9 Bídis do shúile ar an machaire a
mbéid siad ag buáin, agus lean iad:
nach ar fhúagair misi do na hogánuibh
gan buáin riot? agus a nuáir bhías
tart ort, imthigh chum na soitheach, a-
gus ibh deoch as an ní do thairngiodar
na hóganuigh.
10 Ann sin do thuit sisi air a ha-
ghaidh, agus do umhluigh si í féin gus
an ttalamh, agus a dubhairt ris, cred
sa bhfuáir misi grása ann do radharc, as
a mbéarthá aithne orum, agus mé
ám choimhitheach?
11 Agus do fhreagair Boas, agus a
dubhairt ría, do taisbeanadh dhámhsa
go hiomlán a nuile ní dá ndéarna tú dot
bhainchliamhuin ó fuair thfear bás: &
mar dfág tú hathair, agus do mhathair
agus an tír, ann ar rugadh thú, agus
mar tháinic tú a ccionn daoine nar
bhaithnid duit roimhe so.
12 Go ccúitigh an Tighearna d
thar riot, agus go bhagha tú luaid
iomlán ón Tighearna Día Is
ttáinic tú fa na sciathánuibh, d
dóthchuis ann.
13 Ann sin a dubhairt si, fagh
bhar ad lathair á Thighearna, do
go ttug tú sólás damh, agus gur
tú go muinteardha red sheirb
matá nach bhfuilim cosmhuil re ha
chailínibh féin.
14 Agus a dubhairt Boas ría, tar
a naimsir bhídh, agus ith don
agus tum do ghreim annsa bh
Agus do shuigh si, láimh ris na b
ghibh, & do sheachuid seisi
dhi, agus duaidh si, go raibh si
agus gur fhág si fuighioll.
15 Agus a nuair do éirigh si
dhioghluim, do áithin Boas dá ógan
ga rádh, ná bacaidh dhi dioghlu
dhéanamh a measc na bpunann,
ná cuiridh naire uirre.
16 Agus léigidh tuitim do chuid
dórnanuibh ar lár déantoisg
fagbhuidh iad, go ndioghluim
agus na haithisighidh í.
17 Marsin do rinne si dioghluim
machaire go tráthnona, agus do
ar dhioghluim si, agus do bhí
chioll Ephah eórna.
18 Agus do thóg si ar a
agus do chúaidh don chathraigh:
ar bhfaicsin dá mathairchliamh
dhioghluim si, agus gur tharr
amach agus go ttug dhi ar
déis bheith sáitheach.
19 A dubhairt a mathairchliamh
cáit a ndearna tú dioghlum a
agus cáit ár shaórthaigh tú?
beannuigh an té do chuir aithne ort;
dinnis sisi dá mathairchliamh
bhfochair ar dhioghluim si sin,
dubhairt si, a sé ainm an té a
ar shaórthuigh mé a niugh, Boas
20 Agus a dubhairt Noami
bainchliamhuin, go madh beannuigh
ón Ttighearna, noch nar dhear
chinéul don bheó, agus don mh
a dubhairt Noami ría, atá an té
gus a ngáol dúinn, áon do na d
gáoil is foigsi dháinn.
21 Agus a dubhairt Rût an M
teach, a dubhairt sé fós riom,
tú bheith go daingion láimh re
chaibh, nó go ccríochnuigh
mfoghmhar uile.
22 Agus a dubhairt Noami
bainchliamhuin Rút, is maith do
tusa a inghion, dul amach le
nibhsion, chor nach tteagmha
néanmhachaire oile.
23 Marsin dfan si go cinnte
chair chailíneadh Bhoas do dhi
go deireadh foghmhair na heórna,
fhoghmhair na cruithneachda:
rinne si comhnuighe a bhfo
mathairchleamhna.

CA

CAIB. III.

...posadh Bhoas re Rut ar na ghealladh ... mar is dúal don bhrathair fogus ...oil.

AN sin a dubhairt Noami a math-
airchliamhuin ría, a inghean, nach
...a misi suaimhnios duitsi, chor go
...eithear go maith agad ?
2 Agus a nois nach bhfuil Boas dar
...eadhne, a raibh tusa a bhfochair a
...ilineadh ! féach bíaidh sé ag cáthadh
...na a nochd ar urlár an bhuailte.
3 Nigh thú féin ar a nadhbharsin,
...us ungaidh thú féin, agus cuir hea-
...ch umad, agus éirigh síos chum a
...rlár, achd ná léig haithne chum a nó-
...lach, nó go sguiridh sé dithe agus
...l.
4 Agus is amhluigh bhías, a nuáir
...bhíos sé síos, go gcuirse tusa comh-
...rtha ar a náit a luighse sé, agus ra-
...chaidh tusa a steach, agus tóg an
...adach dá chosuibh, agus luigh síos
agus innéosuidh sé dhuit cred dhéanas
tú.
5 Agus a dubhairt sisi ría, gacha
...abhair tú riom, do dhéan é.
6 Agus do chuáidh sí siós chum an
...láir, agus do rinne gach ní dá ndubh-
airt a mathairchliamhuin ría.
7 Agus a nuair a duáigh agus dibh
Boas ní, agus go raibh a chroidhe súgach,
do chuaidh sé a luidhe láimh ré cárn
a narbha, agus tháinic sisi go mín,
agus do nochd sí a chosa, agus do
luigh sí síos.
8 Agus tárla san meadhon oidhche,
go raibh eagla ar a nóglach, agus do
iompóigh é féin; agus féach, do bhí
bean na luidhe agá chósuibh.
9 Agus a dubhairt seision, cía thúsa ?
agus do fhreagair sisi, atáimsi Rút do
bhanóglach; cuir ar a nadhbharsin do
chuim air do bhanógluigh, óir is brathair
fogus gáoil tú.
10 Agus a dubhairt seision, go madh
beannuigh bhías tusa ón Tighearna, a
inghean: óir is mó an cineul do thais-
bean tú sa dheireadh ná ar ttosach, do
bhrígh nár lean tú dáoine óga, madh
saidhbhir no daidhbhir.
11 Agus a nois, a inghean, ná
bíodh eagla ort, do dhéaná misi dhuit
gach éanní iarrus tú: óir atá a fhios ag
cathair mo dhaoineadhsi uile gur bean
shubhailceach thú.
12 Agus annois is fíor gur brathair
fogus gáoil duit misi: achd cheana atá
brathair as foigsi ná mé.
13 Fán a nochd, agus is eadh bhías
...ar maidin, má choimhlíonann sé dhu-
...it an ní is dúal do bhrathair gáoil,
bíodh go maith, déanadh sé mar is
dúal do bhrathair gaoil: achd muna
ndéarna sé dhuit mar is dúal do bhra-
thair gaoil, annsin do dhéana misi dhuit
mar is dúal do bhrathair gaoil, sa mar
mhairios an Tighearna: luidh síos go
maidin.
14 Agus do luidh sí agá chosaibh go
maidin; agus d'éirigh sí suil dob eidir
le duine aithne do bhreith ar dhuine
seach a chéile: agus a dubhairt seision,
ná bíodh a fhios go ttáinic bean sa
núrlar.
15 Agus a dubhairt sé mar an
gcéadna, tabhair leachd an bhraithlín
atá agad umad, agus connuimh í: agus
a núair do chonnuimh sí í, do thombuis
seision sé miosáir eórna, agus do chuir
air a muin íad: agus dimthigh sí don
chathruigh.
16 Agus a nuair tháinic sí chum a
mathairchleamhna, dubhairt sí, cía thusa
a inghean? agus dinnis sisi dhi gacha a
ndéarna an tóglach ría.
17 Agus a dubhairt sí, thug sé na sé
miosúir eórnaso dhamh; óir a dubhairt
sé riom, ná héirigh folumh a ccionn do
bhainchleamhna.
18 Annsin a dubhairt sisi, suigh go
suáimhneach, a inghion, nó go bhfeasa
tú cionnus rachus an chúis: óir ní bhía
an tóglach suáimhneach, nó go ttuga sé
na neithesi a gcrích a niugh féin.

CAIB. IV.

Pòsadh Rut ar na chriochnughadh. 13 Do rugadh Obed lé, noch do bà shean-athar do Dhaibhidh an Rí.

AN sin do chúaidh Boas súas chum
an gheata, agus do shuigh sé síos
annsin: agus féach tháinic an brathair
air ar labhair Boas, re na thaobh; a
dubhairt seision ris, hó thusa, gabh a
leith, suigh síos ann so: agus do tháinic
seision, agus do shuigh sé síos.
2 Agus do ghoir sé dhá fhear dhéag
do shinnsearuibh na caithreach, agus a
dubhairt, suighidh síos annso: agus do
shuigheadar síos.
3 Agus a dubhairt seision ris an
mbrathair gáoil, atá Naomi noch do
fhill a rís as ttír Mhoab ag reic
fóidín dúithche bá lé ar mbrathair Eli-
melech.
4 Agus do smúain misi a innsin
duitsi, gha rádh, ceannuigh é a lathair
na náitreabhachso, agus a lathair
shinsior mo phobuil: má fhúasglann tú
é, fuasguil é; achd muna bhfúasgla tú é,
annsin innis damhsa go mbía a fhios
agum: óir ní bhfuil éanduine ré a fhu-
asgladh achd tusa, agus atáimsi ad dhí-
aigh; agus a dubhairt seision, fuaisgeola
misi é: 5 Annsin

5 Ann sin a dubhairt Boas, gidh bé
lá cheinneochus tú an fearann as láimh
Noami, caithfidh tú mar an gcéadna a
cheannach o Rút an Moabiteach, bean an
mhairbh, do thógbháil anma an mhairbh
súas ar a oighreachd.
6 Agus dubhairt an brathair, ni fhéa-
duimsi a fhúasgladh dhamh fein, deagla
go millfinn moighreachd féin: fúasguilsi
mo cheartsa dhuit féin, óir ní féaduimsi
a fhúasgladh.
7 Annois ba é so fa gnáth san tseana-
imsir ann Israel a ttáobh fhúasgalta
agus a ttáobh malairte do dhaing-
niughadh a nuile neithe; do bheanadh
duine a bhróg dhe, agus do bheireadh
dá chomharsuinn í; agus bá fiadhnuísi
so ann Israel.
8 Uime sin a dubhairt an fear gáoil
re Boas, ceannuigh dhuit fein é: már sin
do tharruing sé a bhróg dhe.
9 Agus a dubhairt Boas ris na
sinnsearuibh, agus ris an bpobal uile,
as fiaghnuisi sibhsi a niugh gur cheannuigh
misi a nuile ní ba le Elimelech, agus an
mhéid ba lé Chilion agus le Mahlon, as
láimh Noami.
10 Mar an gcéadna do cheannuigh mé
Rút an Moabiteach, bean Mhahlon mar
mhnáoi dhamh fein, do thógbháil anma
an mhairbh súas iona oighreachd, ion-
nus nach gearrfuidhe ainm an mhairbh
amach ó na dhearbhraithribh, & o ghe-
ata a ionaid: Is fiaghnuise sibhsi san ló a
niugh.
11 Agus a dubhradar a raibh do
dhaoinibh annsa gheata, agus na sea-
nóirigh, is fiaghnuisi: go ndéarna an
Tighearna an bhean tháinic dot thigh
cosmhuil re Rachel agus re Leah, noch
is iad an días sin do chuir súas tigh
Israel: agus déanasa go mórdha
phrátah, agus bi oirdheirc a
hem.
12 Agus bíodh do thigh amh
Phares, (noch rug Támar d
don tsliochd do bheára an T
dhuit ón mhnáoi oigsi.
13 Marsin thug Boas Rút,
bhi ná mnáoi aige, agus a nuair
sé aice, thug an Tighearna
dí, agus rug sí mac.
14 Agus a dubhradar na
Noami, go madh beannuigh an
earna nach ar fhág thusa a niugh
bhrathair gáoil, chor go mbá a
oirdheirc a Nisrael.
15 Agus biáidh sé na fhear
do shaoghal, agus na altruim
fhoirse: óir sí do inghean-chl
rug é, noch do ghrádhuigh
noch is feárr dhuitsi ná mórth
mac.
16 Agus do ghlac Noami
namh, agus do chuir ann a
agus do bhí sí na banaltruinn aige.
17 Agus tugadar na mná
arsanna, ainm air, ga rádh
mac do Noami, agus tugadar
dainm air: sé sin athair Jese
Dháibi.
18 Annois is iad so Ginealuigh
res, do ghin Phares Hesron.
19 Agus do ghin Hesron Ram,
do ghin Ram Aminadab,
20 Agus do ghin Aminadab Na
agus ghin Naason Salmon.
21 Agus do ghin Salmon Boas,
do ghin Boas Obed.
22 Agus do ghin Obed Jese,
do ghin Jesse Dáibhi.

AN CEAD LEABHAR DO SHAMUEL, DA NGOI THIOR CEAD LEABHAR NA RIOGH.

CAIB. I.

Rug Dia toradh do Hannah, do bhí aimrid.
20 eadhon Samuel.

ANois do bhí duine áirigh ó Rama-
taim-sophim do shliabh Ephraim,
agus dob é a ainm, Elcanah
mhac Jeroham, mhic Elihu, mhic
Tohu, mhic Suph, Ephratiteach.
2 Agus do bhádar días ban aige,
Hannah ainm mhná dhíobh, agus Penin-
nah ainm na mná oile: agus do bhí
clann ag Peninnah, achd ní raibh clann
air bith ag Hannah.
3 Agus do thiagh an fearsa súas as a
chathruigh féin gacha bliadhna, dadh-
radh agus do dhéanamh iodhbarth
Dhia na slúagh a Siloh: agus dob
mac Elí, Hophni agus Phineas
an Tighearna ann sin.
4 Agus a nuáir do bhí an tam a
na Elcanah íodhbairt, thug sé
Pheninnah, dhá mhnaoi, agus
mhac, agus ingbean uile.
5 Acht do Hannah thug
dhúbalta: óir dob ionmhuin leis
achd do dhruid án Tighearna a br
6 Agus do fhearguidh a
mór í, dá cur ar cuthach, do
gur dhruid an Tighearna a br
7 Agus mar da níodh sé
bliadhna, a núair do thiagh
go tigh an Tighearna, marsin
bhuidh

…dhreadh si is uimesin do ghuileadh
… ní ithedh si éainni.
… sin a dubhairt Elcanah a fear
A Hannah cred fá nguilionn tú ?
… nach itheann tú biadh ? agus
… bhfuil do chroidhe dubhach ?
… fearr dhuit misi ágad ná deith-
… mac ?
Ann sin déirigh Hannah a nuair a
… biadh a Siloh, agus tar éis iad
… ól (a nois do bhí Eli an sagart
… ar stól láimh ré posta theam-
… an Tighearna.)
10 Agus do bhí si lán do dhoilghios
…, agus do ghuidh si an Tighearna,
… do ghuil si go géar.
11 Agus thug si móid, agus a du-
… A Thighearna na sluagh, má
… tú dha ríribh ar bhuáidhreadh
… bhanóglaich, agus mo chuimhniu-
…dh, agus gan do bhanóglach do
…, achd go ttiubhra tú dot
… leanamh mic; annsin do
… misi don Tighearna é ar feadh
… laethe a bheatha, agus ní racha
… bhéarrtha ar a cheann.
12 Agus tárla mar do bhí si ag ur-
…igh a bhfad a lathair an Tighearna,
… chomharthuigh Eli a béul.
13 Annois do labhair Hannah ann a
…croidhe, amháin gur chorruigheadar a
…, achd níor chlos a guth ; uime-
…sin do shaoil Eli go raibh si ar
meisge.
14 Agus a dubhairt Eli ría, gá fad
…bhías tusa ar meisge ? cuir uait do
…id fiona.
15 Agus do fhreagair Hannah, agus
… dubhairt, ní headh a Tighearna, achd
…ean agá bhfuil a spiorad doilghiosach
mé ; níor ibh mé fion nó deoch láidir,
achd do dhóirt mé manam amach a la-
thair an Tighearna.
16 Ná meas do bhanóglach do bheith
na hinghin ag Belial : óir is as jomad
mo ghearáin agus mo dhoilghis do la-
bhair mé go ttí so.
17 Ann sin do fhreagair Eli agus a
dubhairt, Imthigh a siothcháin, agus go
ndéonuigh Día Israel hathchuinge dhuit,
noch do iarr tú air.
18 Agus a dubhairt sisi, faghadh do
bhanóglach grása ad fhiaghnuisi : marsin
do imthigh an bhean roimpe, agus
…ithigh si biadh, agus ní raibh a gnúis
dhuilbhir ní sa mho.
19 Agus do éirgheadar súas ar maidin
go moch, agus do adhradar a lathair
an Tighearna, agus do fhilleadar, agus
tangadar dhá ttigh go Ramah : agus do
bhí Elcanah ag á mhnaoi Hannah, agus
do chuimhnigh an Tighearna uirre.
20 Uime sin tárla a nuáir tháinic
… naimsir timchioll tar éis Hannah
do bheith torrach, go rug si mac,
…as thug Samuel da ainm air, gha rádh,
… chionn gur iarr mé ar an TTighear-
…a é.

21 Agus do chuáidh an tóglach El-
canah, agus a mhuintir uile súas do
dhéanamh na híodhbartha bliadhnamh-
la don Tighearna, agus do choimhlio-
nadh a mhóide.
22 Acht ní dheachaidh Hannah súas :
óir a dubhairt si ré na fear, ní ra-
cha mé súas, nó go mbeantar an lea-
namh do chígh, agus annsin béara mé
liom é, go ttaisbeantar a lathair an
Tighearna é, agus go bhfanaidh annsin
go bráth.
23 Agus a dubhairt Elcanah a fear
ría ; déana mar do chítear dhuit féin,
fan nó go mbeantar do chígh é, amháin
go ndaingnidh an Tighearna a fhocal :
marsin do fhan an bhean, agus tug
cíoch dá mac, nó gur oil si é.
24 Agus a nuair do bhean do chígh
é, rug si lé súas é maille re trí bu-
loguibh, agus ephah phlúir, agus buidéul
fiona, agus rug go tigh an Ti-
ghearna a Siloh é : agus do bhí an lea-
namh óg :
25 Agus do mharbhadar bulóg, agus
tugadar an leanamh chum Eli.
26 Agus a dubhairt si, ó a thigh-
earna, mar mhaireas hanum, a thigh-
earna, is misi an bhean do sheas ad fho-
chair annso ag guidhe an Tighearna.
27 Ar son an leinimhsi do bhí mé ag
guidhe, agus thug an Tighearna math-
chuinghe dhamh, noch do iarr mé air.
28 Uime sin thug mé mar an gcéadna
don Tighearna é, an feadh mhairfios
sé, fillfighthear chum an Tighearna é :
agus do adhair sé an Tighearna annsin.

CAIB. II.

Caintic Hannah a nseilbh buidheachuis. 20 *Tu-
gadh tuille geineoil di.* 22 *Eli neimh-
smachdmhur ar á chloinn, tainic a thoradh
orra.*

AGus do ghuidh Hannah agus a dubh-
airt, Atá mo chroidhe solásach annsa
Tighearna, do hárduigheadh ma-
dharc annsa Tighearna ; do fairsin-
geadh mo bhéul ós cionn mo námhad,
do chionn go ngáirdighim ann do shlá-
nughadhsa.
2 Ní bhfuil éainneach náomhtha
mar an TTighearna : óir ní bhfuil ann
achd thusa : agus ní bhfuil carruig ar
bith mar ar Ndianne.
3 Ná labhruidh ní sa mhó comh an-
uáibhreachsin, ná tigeadh díomus amach
as bhur mbéul : óir is Día eolghach an
Tighearna, agus leision meastar na
gníomhartha.
4 Do bhriseadh boghá na ndaóine ccu-
mhachdach; agus an luchd fuáir tuisleadh,
atáid criosluighthe le neart.
5 Na daóine do bhí lán, do chuirea-
dar iad féin amach ar arán ; agus
na

na daóine do bhí ocrach do ſhocruigheadar; ionnus go rug an naimrid móirſheiſear, agus an té agá raibh mórán cloinne go bhfuil ſí ar ndul a laige.

6 Sé an Tighearna mharbhus, agus aithbhéodhus: beiridh ſé ſíos chum na huaidhe, agus do bheir a níos.

7 Sé an Tighearna do ní daidhbhir, agus do ní ſaidhbhir: cuirfidh ſé ſíos agus tógbhuidh ſé ſuas.

8 Tógbhuidh ſé an bochd as an luáithreadh, agus tógbhuidh ſé fear iarata na déirce ſuas as an ccárnan aóiligh, dá ccur na ſuidhe eidir phrionnſadhuibh, águs do thabhairt orra cathaóir ghlóire do ſhealbhughadh: óir is leis an TTighearna uáithnighe na talmhan, agus do ſhuighigh ſé an domhan orra.

9 Cuimhdeochuidh ſé coſa a naomh, agus béid na cionntuigh na ttochd an ndorchadas: óir ní bhéara éainneach buáidh le neart.

10 Briſfighear námhuidh an Tighearna na míreannuibh: amách ó neamh do dhéana ſé tóirneach orra: breathnochuidh an Tighearna cúainnigh an domhuin, & do bheara ſé neart dhá Rígh, agus áirdeochaidh ſé adharc a ungthaidh.

11 Agus dimthigh Elcanah go Rámah dhà thigh, agus do rinne an leanamh miniostralachd don Tighearna a lathair Elí an ſagart.

12 Annois dob íad mic Elí mic bhélial: níor aithnigheadar an Tighearna.

13 Agus do bé gnáth na ſagart ris an pobal a nuáir do ofráladh duine ar bith íodhbuirt, do thigeadh óglach an tſagairt a nuáir do bhíodh a nfeóil dá bruith, agus adhal thrí mbeangán ann a láimh.

14 Agus do bhuaileadh ſin ſan noigheann no ſan ccetal nó ſan ccoire, nó ſan bpota; an mhéid do bheireadh an tadhal a níos do bheireadh an ſagart ſin chuige féin: marſin do nídis a Siloh ré na ttigeadh do na Hiſraelítibh annſin.

15 Mar an gcéadna ſuil do loiſgedís an méathus, do thigeadh ſerbhfhoghantuigh an tſagairt, & a deireadh ris an té do níodh an níodhbairt, tabhair feóil róſtadh don tſagart? óir ní ghéabha ſé feóil bhruithe uáid, achd feóil amh.

16 Agus dá nabradh duine ar bith ris, ná déindis failligh ris an méathus do loſgadh ar báll, agus beir leachd mar is toil led mheanmuin: annſin do fhreigeoradh ſeiſion é, ní headh, achd do bhéara tú dhamh a nois é, agus muna ttugair, béara me liom ar éigin é:

17 Ar a nadhbharſin bá ro mhór peacadh na nóganach a bhfiaghnuiſi an Tighearna: óir do fhuáithigheadar daóine íodhbairt an Tighearna.

18 Acht do bhí Samuel ag
tralachd a lathair an Tighearna
namh, ar na chrioſlughadh ann Ep
éduigh.

19 Os a chionn ſin do
mhathair cóta beag dhó, agus do
readh chuige é o bhliadhain
dhuin, a nuáir do thigeadh ſí a
na fear, dofráil na híodhbartha
namhla.

20 Agus do bheannuigh Eli
nah agus a bhean, agus a
ttuga Día ſliochd duitſi ris an
ar ſon a níaſaichd tugadh don
earna: agus do chùadar dá
21 Agus dfioſruigh an T
Hannah, ionnus gur toirrcheadh
go rug tríur mac, agus dís
agus dfás an leanamh Samuel a
ghnuiſi an Tighearna.

22 Annois do bhí Eli ro
agus do chúalaidh ſé a
mhic re Hiſrael uile, agus mar do
dís ris na mnáibh do
eadh ag dorus thabernacuil a
chruinnigh.

23 Agus a dubhairt ſé ris,
ndéantaoi a leitheid ſo!
chluinim bhur ndroichghníomh
balſo uile.

24 Ní headh a chlann, óir ní
na túaruſgbhála do chluinim;
thaoi ar phobal an Tighearna
ghadh.

25 Má pheacuigheann neach
aidh a chéile, do dhéana an brei
breitheamhnus air: achd má
gheann duine a naghaidh an T
cia laibheorús ar a ſhon! gidh
chuireadarſan ſuim a mbriathr
thar, do bhrígh go muirfeadh a
ghearna íad.

26 Agus dfás an leanamh
el ar a aghaidh, agus do bhí a
araon ag an Tighearna, agus
oinibh.

27 Agus tháinic óglach Dé
Héli, agus a dubhairt ris,
a deir an Tighearna, Ar fhoillſigh
mé féin go ſoilléir do thigh hathar
nuáir do bhádar ſan Négipt a
Phárao.

28 Agus ar thogh mé é as
uibh Iſrael uile, do bheith na
agum, díodhbairt ar maltóir, do
túiſe, diomchar Ephod am
agus a ttug me do thigh hathar,
íodhbairt do dhéantaoi le
chloinn Iſrael?

29 Cred fá bpreabann ſibh air
bairt agus air mofráil, noch do
mé ann mo thigh? agus go
ghíonn tú do mhic ós mo
ſa da bhur ndéanamh féin méith
mhchuid gachá hofrála mo phobail

30 Uime ſin a deir Tighearna
Iſrael, a dubhairt mé go
ſíobholadh do thighſe, agus tigh

ſhiadhnuiſi go bráth: achd annois
an Tighearna, bíodh ſin a bhfad
óir an luchd onóruighios mé,
do dhéanſa onórughadh, agus an
tharcuiſnighios mé, budh beag a

Féach tiucfaid na laéthe, go
ſa miſi do lámh dhiot, agus
tighe hathar, iondus nac biaidh
ann do thigh.
Agus do chiſe tú námhuid ann mo
annſa nuile ſhaidhbhrios noch
Dia Díſrael; agus ní bhiáidh
ann do thighſi go bráth.
Agus an duine dot mhuintir
garrſa mé óm altóir, mairfidh
do ſhúl, agus do
do chroidhe: agus do gheabhuid
do thighe uile bás a ſcoith a

34 Agus biáidh ſo na chomhartha
noch thiucfas ar do dhías mac,
Hophni agus ar Phineas, éagfuid
a náonló.
35 Agus tóigſe mé ſúas damh féin
lin díl, noch dhéanas do
mar atá ann mo chroidhe, agus ann
: agus tóigſe mé tigh daingion
, agus ſiubholuidh ſé roimhe mo
go bráth.
36 Agus tiucfaidh a ccrích, gach
duine dá bhfuigfighear ann do
thighſi, go ttiucfa, agus go ccrom-
chuige ar ſon phíoſa airgid,
ghreama aráin, agus déara
guidhim thú, cuir miſi a noi-
éigin bheanas ris an tſagar-
, go bhféada mé greim aráin

CAIB. III.

an Tighearna Samuel ceithre uaire.
18 Dinnis é do Eli gach ar labhair an
Tighearna anadhaidh a thighe.

AGus do bhí an leanamh Samuel
ag miniostralachd don Tighearna
láthair Eli: agus bá mórluáigh
bhriathar an Tighearna anſna laéthibh
ní raibh fios ós áird ann.
2 Agus tarla fa nám ſin, a nuáir
do bhí Eli na luighe ſíos ann a áit féin,
ar thoſuigheadar a ſhúile air bheith
, nach ar léir dhó;
3 Agus ſul do chuáidh lampa Dé
a tteampall an Tighearna, mar a
raibh áirc Dé, agus Samuel ar luidhe
:
4 Gur ghoir an Tighearna, agus
fhreagair ſeiſion, atáim ann-
.
5 Agus do rith ſé chum Eli, a-
a dubhairt, atáim annſo, óir do
tú orum: agus a dubhairt ſeiſion,
ghoir mé ort, luigh ſíos a rís.
Agus do imthigh ſé, agus do luigh ſé
ſíos.
6 Agus do ghoir an Tighearna Samuel
a rís, agus déirigh Samuel, agus do
chuaidh ſé go Héli, agus a dubhairt ſé,
atáimſi annſo: óir do ghoir tú orum,
agus do fhreagair ſeiſion, agus a dubh-
airt, níor ghoir miſi ort a mhic, luigh
ſíos a rís.
7 Annois ní raibh fios an Tighear-
na fós ag Samuel, agus ni mó do fo-
illſighiodh briathar an Tighearna dhó
fós.
8 Agus do ghoir an Tighearna Samuel
a rís an treas uáir, agus do éirigh ſei-
ſion agus do chuaidh go Héli, agus a
dubhairt, atáim annſo: óir do ghoir tú
orm; agus do thuig Eli gur bhé an Ti-
ghearna do ghoir an leanamh.
9 Uimeſin a dubhairt Eli re Samuel,
imthigh, luigh ſíos, agus go madh
amhlaidh bhías, má ghoirionn ſé ort, go
naibeora tuſa, Labhair a Thighearna, óir
do chluin do ſheirbhiſeach: marſin do
imthigh Samuel, agus do luigh ſíos iona
ionad fein.
10 Agus tháinic an Tighearna, agus
do ſheas agus do ghoir mar na háairibh
oile, a Shamuel, a Shamuel: ann ſin
do fhreagair Samuel, Labhair, óir clui-
nidh do ſheirbhíſeach thú.
11 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Samuel, féach do dhéana miſi ní a
Niſrael fá mbéid dhá chlúais gach aóin
dá gcluinfidh é, ag foghard.
12 Annſa ló ſin críochnochuidh mé
a naghaidh Eli, a nuile ní dar labhair
mé a ttaobh a thighe: a nuáir thoiſeo-
chus mé, déana mé críochnughadh mar
an gcéadna.
13 Oír dinnis mé dhó go mbéaruinn
breath ar a thigh go bráth ar ſon a
nuilc as aithnidh dhó fein; do bhrígh go
ndearnadar a mhic íad féin malluigh,
agus nar thoirmiſg ſeiſion íad.
14 Uime ſin thug mé mionna do thigh
Eli, nach glanſuidhe éaigceart Eli lé hio-
dhbáirt no lé hofráil gó bráth.
15 Agus do luigh Samuel go maidin,
agus dfoſcuil doirſi thighe Dé, agus do
bhí eagla ar Shamuel an fis dfoillſiu-
ghadh do Eli.
16 Annſin do ghoir Eli Samuel, agus
a dubhairt; a Shamuel a mhic, agus do
fhreagair ſeiſion, atáim annſo:
17 Agus a dubhairt ſé, créd é an ní
ſin a dubhairt an Tighearna riot? gui-
dhim thú, ná ceil orum é: go ndéarna
Dia marſin riotſa, agus tuilleamh fós
má chéilionn tú éinní orum do na huile
neithibh a dubhairt ſé riot.
18 Agus dinnis Samuel dó gach uile
ní, agus níor cheil éinní air: agus a
dubhairt ſeiſion, Sé an Tighearna é, déa-
nadh ſé an ní is áill leis fein.
19 Agus dfás Samuel, agus do bhí an
Tighearna maille leis, agus níor léig aon-
fhocal dá chombrádh tuitim chum na
talmhan.

20 Agus

20 Agus do bhí a fhios ag cloinn
Israel ó Dhan go Beerséba gur hór-
duigheadh Samuel do bheith na fháigh
don Tighearna.
21 Agus do fhoillsigh an Tighearna
é féin a rís a Siloh: óir dó fhoillsigh
an Tighearna é féin do Shamuel a
Siloh lé breithir an Tighearna.

CAIB. IV.

Ar-gclos do Eli agus do mhnaoi a mhic gur ghabhadh Airc Dé. 11 Agus gur marbhadh a dhías mac, do fhaoigh an tanam ásta.

AGus tháinic briathar Shamuel go
Hisrael uile; anois da chúadar
Israel chum catha amach a naghaidh
na Bhphilistineach, agus do shuighea-
dar re taobh Eben-eser, agus do rinnea-
dar na Philistinigh fosslungphort ann
Aphec.
2 Agus do chuireadar na Philistinigh
iad féin a nórdughadh a naghaidh Is-
rael: agus a núair do chuádar na catha
a gcionn a chéile, do cláoidheadh Is-
rael roimhe na Philistinigh: agus do
mharbhadar don tslúagh san machaire
timchioll cheithre míle fear.
3 Agus a núair thangadar na dáoine
don champa a dubhradar sinnsir Is-
rael, cred far chláoidh an Tighearna
sinn a niugh roimhe na Philistinigh?
tugam chugainn Airc chunnartha an Ti-
ghearna as Siloh, ionnus a núair thioc-
fas ar measc, go ttárrthochuidh sinn ó
lámhuibh ar námhad.
4 Uime sin do chuireadar na dáoine
fios go Siloh, chor go ttiubhraidís as
sin Airc chunnartha Thighearna na
slógh, noch chomhnuighios eidir na
Cherubhinibh: agus do bhádar días
mac Eli, Hophni agus Phineas annsin
maille re Háirc chunnartha Dé.
5 Agus a núair tháinic Airc chunnar-
tha an Tighearna don champa, do léi-
geadar Israel uile gáir mhór, ionnus
gur chumscuigh an talumh dhe.
6 Agus a nûair do chúaladar na
Philistinigh fúaim na gáire, a dubhra-
dar, cred fáth na gáire moiresi a
bhfoslungphort na Neabhruidheach? agus
do thuigeadar gur bhí Airc an Tighear-
na tháinic don champa.
7 Agus do bhí eagla ar na Philis-
tinigh, óir a dubhradar, Tháinic Día
don champa. Agus a dubhradar, A
mhairg dhúinne, óir ni ráibh a leitheid-
sin róimheso.
8 A mhairg dhúinne, cía sháorsas
sinn ó lámhuibh na Ndee gcumhachd-
achsin: siád so na Dée do bhúail na
Hégiptigh ris na huile phlághuibh ansa
bhfásach.
9 Bithi láidir, agus déanuidh go
fearamhuil, ó a Philistinigh, chor nach
béithí bhur serbhíseachuibh do na Hea-
bhradhuibh, mar do bhádarsan d
déanuidh go fearamhuil, agus tr
10 Agus do throideadar na
listinigh, agus do cláoidheadh
agus do theitheadar gach aon
steach dhá lóistin: agus do bhí
ro mhór, óir do thuit Disrael t
míle coissigh.
11 Agus do ghabhadh Airc D
do mharbhadh días mac Eli, H
agus Phineas.
12 Agus do rioth duine do B
min as an tslúagh, agus tháinic g
an lá céadna, agus a éadach
agus cré ar a cheann.
13 Agus a núair tháinic sé, f
bhí Eli na shuidhe ar stól do le
na sligheadh, ag faire; óir do c
nuigh a chroidhe fá Airc Dé. A
nuair tháinic an tóglach don ch
agus dinnis sé sin, déighmhea
chathair uile.
14 Agus a nuair do chual
fúaim na ccomharc, a dubhairt E
is cíall dfúaim na comhdh
thainic an tóglach a steach go
dhá innse do Eli.
15 Annois do bhí Eli ochd
ar nóchad dáois, agus do bh
shúile fa cheó, go nach bhfaic
[éinni.]
16 Agus a dubhairt an toglach r
as misi an té tháinic as an t
agus do theith mé a niugh as an t
agus a dubhairt seision, cred do
neadh ann sin, a mhic?
17 Agus do fhreagair an teach
agus a dubhairt, do theitheadar I
roimhe na Philistinibh, agus do b
ár mór a measg an phobail: a
bhadh do dhías mhacsa, Hophni
Phineas, agus do gabhadh Airc Dé
18 Agus tárla a núair do l
ar Airc Dé, gur thuit Eli as a
a ndiaigh a chúil, le táoibh an g
agus do bhris a mhuinéul, agus
sé bás: óir do bhí sé na sh
agus é trom: agus do rinne s
theamhnus ar Israel ceathrach
dhan.
19 Agus do bhí bean a mhic,
Phineas, torrach agus a bhfog
(leanamh) bhreith: agus a núair
chúaluidh sí na scéula gur gabhadh
Dé, agus go bhfuáir athair a f
agus a fear féin, do chlaon sí
agus do bhí ag tuismeadh: óir t
a teinneas leinibh uirre.
20 Agus a dubhradar na m
sheas na fochair timchioll am a
ría; ná híodh eagla ort, óir
mac: achd níor fhreagair sisi, a
chuir suim ann.
21 Agus thug sí Ichabód d
an leanamh, ga rádh, dimth
nglóir ó Israel, do chionn gur g
Airc Dé, agus ar son a cleamh
a fir.

22 Agus a dubhairt sí, Do imthigh a
ir o Israel, óir do ghabhadh Airc
Tighearna.

CAIB. V.

*thait Dagon, abfiaghnais Airce De bhf.
6 agus do bhuaileadh na Philistinigh leis
na Hemeroidibh.*

AGus do ghabhadar na Philistinigh
Airc Dé, agus tugadar ó Eben-eser
go Hasdód í.
2 A nuáir do ghabhadar na Phi-
listinigh airc Dé, thugadar í go tigh
Dhágon, agus do chuireadar í láimh re
Dagon.
3 Agus a nuáir déirgheadar muintir
Asdod ar na mhárach, féach, do bhí
Dagon ar ttuitim ar a aghaidh fa thal-
umh a bhfiaghnuise Airce an Tighearna:
agus do thógbhadar Dágon, agus do
chuireadar na áit féin a rís é.
4 Agus a nuáir do éirgheadar go
moch ar maidin ar na mhárach, féach
do bhí Dágon ar ttuitim ar a aghaidh
fan talumh a bhfiaghnuisi Airce an Ti-
ghearna: agus ceann Dhágon, agus a
dhá bhais ar na ngearradh dhe ar a
túirsigh, amháin gur fágbhadh ceapán
Dhágon aige.
5 Ar a nadhbharsin ní shaltruid sagairt
Dhágon nó aonduine dá ttig go tigh
Dhágon air tháirsigh Dhágon ann As-
dod gus a niugh.
6 Ach do bhí lámh an Tighearna
trom ar mhuintir Asdod, agus do
sgrios sé iad, agus do bhuáil sé iad lé
hemeróidibh, eadhon Asdod, agus a
córtadha.
7 Agus a nuáir do chonncadar
muintir Asdod gur mar sin do bhí,
a dubhradar, Ní dhéanaidh Airc Dé
Israel comhnuighe aguinne, óir atá a
lámh go doiligh oruinn, agus air ar
ndia Dágon.
8 Do chuireadar teachda úadha ar a
nadhbharsin, agus do chruinnígheadar
Tighearnadha na Bphilistineach uile chu-
ca, agus a dubhradar, cred do dhéanam
re Hairc Dé Israel? agus do fhreag-
radarsan, beirthear Airc Dé Israel fá
gcuáirt go Gát. Agus do rugadar Airc
Dé Israel fa gcuáirt don náit
sin.
9 Agus is amhluidh bhí tar éis iad
da breith timchioll fa gcúairt, go raibh
lámh an Tighearna a naghaidh na cai-
threach re diothlaithriughadh romhór,
& do bhuáil sé daóine na caithreach idir
bheag agus mhór, agus do bhádar eme-
róidigh iona mballuibh secréideacha.
10 Uimesin do chuireadar Airc Dé
go Hecron, agus tárla mar tháinic
Airc Dé go Hecron, gur éimhghea-
dar na Hecronítigh, dhá rádh, Thugadar
timchioll Airc Dé Israel chuguinne
dar marbhadh, agus do mharbhadh ar
muintire.
11 Mar sin do chuireadar teachda
amach, agus do chruinnigheadar Tigh-
earnuigh na Bhphilistineach uile, agus a
dubhradar, Cuiridh ar siubhal Airc De
Israel, agus léigthear dhi dul dá háit
féin, chor nach muirfidh sí sinne agus
ar ndaoine: óir do bhí diothlaithriugh-
adh ar feadh na caithreach uile: do
bhí lámh an Tighearna ro throm ann
sa náit sin.
12 Agus na daóine nach bhfuáir bás,
do bhuáileadh íad leis na hemeróidibh,
agus do chuáidh comhairc na caith-
reach súas go neamh.

CAIB. VI.

*Do chuireadar Airc Dé uadha, da hait féin.
19 Re feúchain uallach mhuintir Bhetse-
mes, do thuit 50070 pearsa.*

AGus do bhí Airc an Tighearna a
gcrich na Bhphilistineach seacht
mí.
2 Agus do chuireadur na Phili-
stinigh gairm ar na sagartaibh, agus
ar an luchd saistine, ga rádh, Cread
dhéanam re Háirc an Tighearna?
innisigh dhúinn cred lé gcuirfeam dá
háit féin í?
3 Agus a dubhradarsan, má chuir-
thighe ar siubhal Airc Dé Israel, ná
cuiridh uáibh folamh í: achd ar gach
uile chor cuiridh uaibh ofráil sháruigh:
annsin leighisfighear sibh, nó biáidh a
fhios aguibh cred fa nar filleadh a
lámh uáibh.
4 An sin a dubhradarsan, Cred é
an nofráil sháruigh, noch fhillfionn
chuige? Do fhreagradarsan, cúig eme-
róid óir, agus cúig lucha óir do réir
uibhre thighearnadh na Bhphilisti-
neach: do bhrígh gurob aonphláigh do
bhí oruibh uile, agus ar bhur ttigh-
earnuidhibh.
5 Oir a núair do dhéantáoi íomhái-
ghe bhur nemeróideadh, agus íomháighe
bhur luch, noch mhilleas an talumh, &
bhéarthaoi glóir do Dhia Israel, dob éi-
dir go néattroimeobhadh sé a lámh
dhaóibh, agus dá bhur ndeéibh, águs dá
bhur ndúithche.
6 Ar a nadhbharsin cred fa gcru-
áidhfeadh sibhsi bhur gcroidhthe, mar
do chruáidheadar na Hégiptigh, & Phá-
rao a gcroidhthe? a nuair do oibrigh
sé go hiongantach na measc, A né nar
léigeadar don phobal imtheachd? a-
gus dimthigheadar.
7 Annois ar a nadhbharsin déanuidh
cairt nuadh agus glacaidh dhá loilghidh,
ar nach deáchaidh cuing, agus ceang-
luidh na ba don chairt, agus tugaidh na
gamhna don bhaile úadha:
8 Agus glacaidh Airc an Tighear-
na, agus cuirigh ar an ccairt í, a-
gus

gus cuiridh na seóid óir noch fhilltí
chuige mar ófráil sháruigh, a ccófra ré
na taóibh: agus cuiridh ar siubhal í, go
nimthigh sí.
9 Agus feachuidh má ghabhann sí
súas a slighe a cósta féin go Bet-se-
mes, ann sin sé do rinne an tolc
mórsa dhúinne: achd muna ngabha,
annsin aitheanam nach í a lámhsan do
bhuáil sinn; acht gur cinneamhuin
tháinig orruinn.
10 Agus do rinneadar na daóine
sin, agus do ghlacadar dhá loilghidh,
agus do cheangladar don chairt íad, agus
do dhruideadar ar a láoghaibh san
mbaile.
11 Agus do chuireadar Airc an
Tighearna ansa ccairt, agus an cófra
guna luchaibh agus íomhaigheadh a ne-
merod.
12 Agus do ghabhadar na ba an
raon díreach go slíghe Bhet-semes, agus
do imthigheadar ar feadh na sligheadh
móire ag géimnigh mar do imthighea-
dar, & níor chasadar do leath taóibh,
ar an láimh dheis nó chlé; agus do
chúadar tighearnuidh na bhpilistíneach
na ndiáigh go brúach Bhet-semes.
13 Agus do bhádar muinntir Bhet-se-
mes ag buáin a bhfóghmhair cruithnea-
chda annsa ghleann, agus do thógbhadar
a súile súas, agus do chonncádar a Ná-
irc, agus do ghabh lúathgháire íad
tré na faicsin.
14 Agus tháinic an chairt go ma-
chaire Josua, Bet-semíteach, agus do
stad ann sin mar a raibh cloch mhór:
agus do scoilteadar maídeadha na car-
tach, agus do ofráladar na ba do-
fráil loisge don Tighearna.
15 Agus do thógbhadar na Lebhítigh
Airc an Tighearna síos, agus an cófra
do bhí na haice, mar a rabhadar na
seóid óir, agus do chuireadar ar an
gcloich mhóir íad: agus do ofráladar
muintir Bhét-semes ofráil loisge, agus
do íodhbradar íodhbhartha an lá
ceadna don Tighearna.
16 Agus a nuáir do chonncadar
cúig thighearna na Bhpilistíneach sin,
do fhilleadar go Hecron an lá céad-
na.
17 Agus síad so na hemeróid
órdha noch dfilleadar na Philistínigh
chum an Tighearna mar ofráil shá-
ruigh, ar son Asdod a háon, ar son
Ghasa a háon, ar son Ascelon a háon,
ar son Ghat a háon, ar son Ecron a
háon.
18 Agus na lucha órdha do réir
uibhre chaithreach na Bhphilistíneach
uile, do bhean ris na cúig thighear-
na, do chaithreachaibh daingne, agus
do bhailtibh tuáithe, go nuige cloich-
mhóir Abel air ar leagadar síos Airc
an Tighearna: agus atá an chloch fós
gus a niugh a machaire Josua an Bet-
semíteach.
19 Agus do mharbh sé m
Bhet-semes do chionn gur fhéach
a steach ann Airc an Tighearna
dhon do mharbh sé dá muintir, c
míle, agus deichneamhar air trí
agus do cháoineadar an pobal, do
onn gur bhúail an Tighearna an p
ré hár mór.
20 Agus a dubhradar muintir B
semes, Cía fhéadas seasamh i
thair an Tighearna náomthasa
agus cía chum a rachaidh sé
úainne?
21 Agus do chuireadar teachda
muintir Chíriat-járim, ga rádh, Th
dar na Philistínigh Airc an Tigh
léo a rís: tigidhsi a nuas, agus b
chugaibh í.

CAIB. VII.

Samuel ag teagasc an phobal. 3 Do leig eadar a mbeatha. 9 & bhuaghaidh ar a naimhdibh.

AGus tangadar muintir Chíriat-
agus rugadar leó súas Airc an
Tighearna, agus tugadar a steach í
tigh Abinadab ansa chnoc, agus
náomhadár a mhac Eleásar do choimh-
éad Airc an Tighearna.
2 Agus tárla, an feadh do bhí
Nairc na comhnuighe ann Ciriat-járim
go raibh a naimsir fada: óir bá fiche
bliadhan é: agus do bhí tigh Is
uile ag déanamh doilghis a ndiaigh a
Tighearna.
3 Agus do labhair Samuel ré t
Israel uile, dha rádh, Má fhillti chu
an Tighearna maille ré bhur
thibh go hiomlán, ann sin cuiridh a
na dee coimhitheacha, agus Astaroth
bhur measc, agus ullmhuighidh bhur
gcroidhthe chum an Tighearna, a
déanuidh seirbhís dósan amháin:
saorfuidh sé sibh as láimh na Bh
listíneach.
4 Ann sin do chuireadar Israel u
Báalim agus Astárot, agus dadhradar
Tighearna amháin.
5 Agus a dubhairt Samuel, Cru
ghidh Israel uile go Mispeh,
guidhfidh misi ar bhur son chum
Tighearna.
6 Agus do chruinnigheadar a l
chair a chéile go Mispeh, agus do t
ngeadar uisge, agus do dhoirteadar
mach é a láthair an Tighearna,
do throisgeadar an lásin, agus a dúbh
dar annsin, Do pheacuigheamar
ghaidh an Tighearna: agus do
Samuel breitheamhnus ar chloinn
a Mispeh.
7 Agus a núair do chualadar
Philistínigh gur chruinnigheadar
Israel a gcionn a cheile go
do chuádar Tighearnuigh na

…each ſúas a naghaidh Iſrael: agus a
…ir dho chúaladar clann Iſrael é, do bhí
…a na bhpiliſtineach orra.
8 Agus a dubhradar clann Iſrael ré
…uel, ná ſguir dá bheith ag comhairc
…m an TTighearna Día air ar ſoinne,
… ttárthaigh ſé ſinn as láimh na
Bhphiliſtineach.
9 Agus do ghlac Samuel lubhán
…ail, & do íodhbair é mar ofráil loiſge
…e don Tighearna: agus do éigh Sa-
…el air an TTighearna ar ſon Iſrael,
…gus déiſt an Tighearna ris.
10 Agus mar do bhí Samuel ag íodh-
bairt na hofrála loiſge, thangadar na
Philiſtinigh a gcomhfhogus do chathu-
…adh a naghaidh Iſrael: achd do
thóirnigh an Tighearna an láſin le tóir-
nigh mhóir ar na Philiſtinibh, agus do
chlaóidh íad, agus do mharbh íad as
coinne Iſrael.
11 Agus do chúadar clanna Iſrael a-
mach as Miſpeh, agus do leanadar na
Philiſtinigh, agus do bhádar dá mar-
bhadh go ttangadar go Bet-car:
12 Ann ſin do thóg Samuel cloch,
agus do ſhuighidh í eidir Mhiſpeh agus
Shen, agus do ghoir Eben-eſer dainm
dhi, gha rádh, go nuige ſo do chuidigh
an Tighearna ſinn.
13 Marſin do claóidheadh na Phili-
ſtinigh, agus ní thangadar níſa mhó a
ſteach a gcóſta Iſrael: agus do bhí
lámh an Tighearna a naghaidh na
Bhpiliſtineach ar feadh láethe Shamuel
uile.
14 Agus na caithreacha do bheana-
dar na Philiſtinigh do Iſrael do hai-
ſgeadh Diſrael íad ó Ecron go nuige
Gat, agus a ccóſtadha ſin do bhuain
Iſrael as lámhaibh na Bhphiliſtineach:
agus do bhí ſíothcháin idir Iſrael &
na Hamoritigh.
15 Agus do rinne Samuel breith-
eamhnus air Iſrael ar feadh láethe a
bheatha uile.
16 Agus do imthigheadh ó bhliadhain
go bliadhain ar chuairt-timchill go Bé-
tel, agus Gilgal, agus Miſpeh, agus do
níodh ſé breitheamhnus ar chloinn Iſ-
rael ann gach áit dhíobh ſin.
17 Agus do fhilleadh go Rámah:
óir is ann ſin do bhí a thigh; agus ann-
ſin do níodh ſé breitheamhnus ar
chloinn Iſrael, agus is ann do rinne ſé
altóir don Tighearna.

CAIB. VIII.

Do bhí míriaghuil chloinne Shamuel ina adhbhar ag Iſrael, ar Rí a jarraidh. 10 *noch ar jnnis ſé a bhéaſa.*

AGus tárla a nuáir do bhí Samuel
áoſta go ndearna ſé breitheamhuin
dá mhacaibh ós cionn Iſrael.
2 Annois do bé ainm an mhic ſá ſine
aige Joel, agus ainm an dara mic Abi-
ah: do bhadar na mbreitheamhnuibh
a Mbeer-ſéba.
3 Ach níor ſhiubhluigheadar a mhic
iona ſhlighthibhſan, agus do chúadar a
leathtaoibh ar ſon tarbha, agus do ghla-
cadar cumha, agus do chláonadar brei-
theamhnus.
4 Ann ſin do chruinnigheadar ſinſir
Iſrael uile íad féin a gcionn a chéile,
agus tangadar chum Samuel go Rámah.
5 Agus a dubhradar ris, Feach, atá
tuſa ſoirſe, agus ni ſhiubhluighid do
mhic ann do ſhlighthibh: a nois déa-
na Rígh dhúinn dar riaghladh, do nós
na nuile chineadhach.
6 Ach níor thaitin an chúis re Sa-
muel a nuair a dubhradar, Tabhair
Rígh dhúinn dar ríaghladh: agus do
ghuidh Samuel an Tighearna.
7 Agus a dubhairt an Tighearna re
Samuel, Eiſt re glór na ndaoineadh ann
gach uile ní dá nabraid riot: óir ni
tuſa do tharcuiſnigheadar, achd do thar-
cuiſnigheadar miſi, go nach béinn mo
Rígh ós a gcionn.
8 Do réir a nuile oibreach dá ndéar-
nadar ón ló ſá ttug miſi ſúas as an
Négipt íad gus an lá a niugh, ler thréi-
geadar miſi, agus le ndéarnadar ſeir-
bhís do dheeibh oile, is mar ſin fós
do níd riotſa.
9 Annois ar a nadhbharſin, éiſt re
na nglór: gidheadh taiſbéin dhóibh go
dúthrachdach, agus foillſigh dhóibh
ſamhuil an Rígh ríaghlochus ós a
ccionn.
10 Agus dinnis Samuel bríathra an
Tighearna uile don phobal, noch do
íarr Rígh air.
11 Agus a dubhairt ſé, budh é ſo
béaſa an Rígh bhías ós bhur gcionn:
Glacfuidh ſé bhur mic, agus óirdeo-
chuidh ſé dhó féin íad chum a charbad,
agus dá mbeith na marcſhlúagh aige,
agus riothfuid roimhe a charba-
dhibh.
12 Agus óirdeochuidh ſé dhó féin
caiptínigh ós cionn mhílteadh, agus ca-
iptínigh ós cionn chaógad, agus cuir-
fe ſé íad do ſháothrughadh a fhearuinn,
agus do bhuáin a fhoghmhair, agus do
dhéanamh a threalamh cogaidh, agus
trealamh a charbad.
13 Agus glacfuidh ſé bhur ningheana
do dhéanamh unghaidh deaghbholaidh,
agus dá mbeith na ccócairibh, agus na
mbaiceiribh.
14 Agus tóigſe ſé bhur machairighe,
agus bhur bhfíneamhna agus bhur lubh-
ghort ola, eadhon an chuid is féarr
dhíobh, agus do bhéara ſé dhá ſheirbhí-
ſeachaibh íad.
15 Agus toigſe ſé deachmhadh bhur
ſíl, agus bhur bhfíneamhnach, agus do
bhéara ſé dá oifigeachaibh, agus dá ſheir-
bhíſeachaibh íad.

16 Agus tóigfe sé bhur searbhfhoghantuighe fear, agus bhur searbhfhogantuighe ban, agus na hóganuigh is fearr aguibh, agus bhur nassail, agus cuirfe sé chum oibre iad.
17 Tóigfe sé deachmhadh bhur gcáorach, agus béithí bhur searbhfhoghantaibh aige.
18 Agus goirfidhe na comhairc an lá sin, ar son an Righ thoighfigh dhaoibh féin; agus ní éisdfe an Tighearna an lá sin libh.
19 Gidheadh do dhiultadar an pobal umhlughadh do ghlór Shamuel; agus a dubhradar, ní headh, ach biáidh Righ aguinn ós ar gcionn:
20 Chor go mbía sinne fós mar na cineadhacha uile, agus go ndeana ar Righ breitheamhnus oruinn, agus go ndeachuidh amach romhuinn, agus go ttroididh ar gcatha.
21 Agus do chuála Samuel bríathra an phobuil uile, agus do aithris sé iad a gcluasaibh an Tighearna.
22 Agus a dubhairt an Tighearna re Samuel, éist re na nglór, agus deana Righ dhóibh. Agus a dubhairt Samuel ré fearuibh Israel, Eirgheadh gach áon aguibh dhá chathruigh féin.

CAIB. IX.

Sinnsearrachd, 2 agus Cosmhalachd Shauil. 15 a chombradh ré Samuel.

ANois do bhí duine do bhenjamin dar bhainm Cis mhac Abiel, mhic Seror, mhic bechorah, mhic Aphiah Beniamiteach, duine cumhachdach a saidhbhreas.
2 Agus do bhí mac aige dar bhainim Sául, togha duine óig agus dearscnuigh, agus ní raibh a measc chloinne Israel pearsa dob árrachda ná é: ó na ghuaillibh súas dob áirde é ná éainfhear don phobal.
3 Agus do chúadar assuil Chis, athair Shauil, a mugha; agus a dubhairt Cis re Saul a mhac, Beir leachd anois duine do na searbhfhoghantaibh, agus éirigh, imthigh díarruigh na nassal.
4 Agus do ghluáis seision thridh shliabh Ephraim, agus do chuáidh tré chrích Shalisa, acht ní bhfúaradar iad; annsin do chuáidh sé tré dhúithche Shálim, achd ní rabhadar annsin: agus do chúadar tré dhúithche na Mbeniamiteach, achd ní bhfúaradar iad.
5 Agus a nuair thangadar go tir Shuph, a dubhairt Saul re na óglach do bhí na fhochair, Gluáis, agus filliom deagla go léigfeadh mathair cúram na nassal de, agus go mbíadh cúramach dar ttaóibhne.
6 Agus a dubhairt seision ris, Féuch annois atá annsa ccathruighsi duine le Dia, agus is duine onórach é,
a nuile ní a deir sé, thig a gcr
deimhin; a nois teanam annsin,
éidir go bhféadfadh an tslighe
nar chóir dhúinn dul do th
dhúinn.
7 Ann sin a dubhairt Saul re
shearbhfhoghantaigh ach féach
theighmid annsin, créd bhéarum
a noglaich, óir dó caitheadh an
ann ar soithighibh, agus ní bhfuil
laiceadh aguinn re bhreith chum
laich Dé: cred atá aguinn?
8 Agus do fhreagair an searbh
ghantuigh Saul a rís, agus a dubh
Féuch atá águmsa annso am láimh
ceathramhadh cuid do Shecel air
do bhéara mé sin dóglach Dé do
ar slighe dinnisin dúinn.
9 (Annsa tseanaimsir a Nisrael a
do thiagh duine dfaghái scéul ó D
is marso a deiriodh sé, Tárr
agus deanum go nuige an fhéach
doir: óir an té dá ngoirthear
annois, is féachadóir no fear
néise do ghorthaoi dhe san t
aimsir.)
10 Ann sin a dubhairt Saul re
shearbhfhoghantuigh, is maith a
tú; gluáis, deanum: marsin do ch
don chathruigh mar a raibh óglach D
11 Agus mar do chúadar súas
chnoc a gcionn na caithreach, fu
dar maighdeana óga ag dul amach
tharruing uisge: agus a dubhradar
an bhfuil an féachadóir annso?
12 Agus do fhreagradarsan iad
a dubhradar, Atá sé ann, féach
atá sé romhuibh, déanuidh deithfir
nois, óir tháinig sé a niugh don ch
thruigh: óir atá féasta don phobal a
ugh annsa náit áird.
13 Comhlúath agus thiucfuidhe
chathruigh do gheabhthaoi ar ball é
rachus sé súas don náit áird dithe
óir ní íosuid an pobal bíadh nó go
sé, do chionn gur bé bheannuigh
níodhbairt, agus na dhiaigh sin
luchd an chuiridh: annois ar a
bharsin, eirghidhsi súas, óir is timch
an nama sa do gheabhthaoi é.
14 Agus do chuádarsan súas don
thruigh, agus a núair thangad
steach don chathruigh, tháinic S
amach na ngcoinne do dhul súas
náit aird.
15 Annois do innis an Tighearna
Shamuel ann a chluais lá roimhe
do theachd, gha rádh:
16 A márach timchioll na h
cuirfe mé duine chugad as tír B
min, agus ungfuidh tú é chum
na chaiptín ós cionn mo phobail
go saorfa sé mo phobal ó láimh
bhpilistineach: óir dféach mé ar
phobal, do chionn go ttáinic a
airc chugam.
17 Agus a núair do chonnairc
Saul, a dubhairt an Tighearna

...ch an té ar labhair mé riot dá thá-
...bh: ſé ſo féin bhías na Rígh ós cionn
...o phoball.
18 Ann ſin do dhruid Sául re Samu-
... ann ſa gheata, agus a dubhairt ris,
...idhim thú, innis damh cá háit a bhfuil
...igh an nféachadóra.
19 Agus do fhreagair Samuel Saul,
...us a dubhairt, Miſi an féachadóir:
...righ ſúas romham don náit áird;
...ir ioſtaói biádh agamſa a niugh;
...gus leigſe mé dhuit imtheachd a
...márach, agus inneoſuidh mé dhuit a
...bhfuil fad inntinn.
20 Agus ar ſon haſſal do chuaidh a
...mugha trí lá ó ſhin, ná cuir do mhean-
...ma orra; óir do frith íad: agus cía
...ar a bhfuil uile fhonn Iſrael? nach ort-
...ſa atá, agus ar thigh hathar uile?
21 Agus do fhreagair Saul, agus
a dubhairt, nach Beniamíteach miſi, is
lugha do threabhuibh Iſrael, agus nach
íad mo mhuintir is rolugha do mhuin-
thearuibh threibhe Beniamin uile? uime
ſin cred fá labhrann tú marſin riom?
22 Agus do ghlac Samuel Saul, agus
a ſhearbhfoghantuigh, agus rug leis
don phárlús íad, agus thug orra ſuidhe
ann ſa náit budh onóruigh a meaſg
...lachda an chuiridh, noch do bhí tím-
chioll thríochad fear.
23 Agus a dubhairt Samuel ris an
gcócaire, Tabhair chugam an chuid
ronna thug mé dhuit, re a ndubhairt mé
riot, Cuir láimh riot í.
24 Agus do thóg an cócaire an ſli-
nnean, agus án ní do bhí air, agus do
chuir a bhfíadhnuiſi Shauil é; agus a du-
bhairt Samuel, féach an fuighioll ſin ad
fhíaghnuiſi, agus ith é; óir go nuige an
amſa do taiſgeadh dhuit é, ó a nuair a
dubhairt mé, Thug mé cuireadh don pho-
bal, marſin a dúaigh Saul biadh le
Samuel na láſin.
25 Agus a núair thangadar a nuas ón
náit áird don chathruigh, do rinne Sa-
muel comhrádh re Saul air mhullach an
tighe.
26 Agus do éirgheadar go moch,
agus tárla ré héirghe an láoi, gur ghoir
Sámuel Saul go mullach an tighe, gha
rádh, Eirigh ſuas go gcuire mé ar ſi-
ubhal thú: agus deirigh Saul, & do
chuádar araon amach, eiſion & Samuel.
27 Agus a núair do bhádar ag dul ſíos
go híachdar na caithreach, a dubhairt
Samuel ré Saul, Abair ris an nóglach
drud romhainn ar a aghaidh, (& do dhr-
uid ſé rompa) achd fanſa a bhos go fóill,
go ttaisbéana miſi briathra Dé dhuit.

CAIB. X.

Saul ar ungadh na Rí. 24. Noch dà rabhadar cuid buidheach. 27 cuid dom-buidheach.

AN ſin do ghlac Samuel ſoitheach
ola, agus do dhóirt air a cheann
é, agus do phóg é, agus a dubhairt,
nach uime dungaidh an Tighearna thú
chum bheith ad caiptín ós cionn a oi-
ghreachda?
2 A nuair imtheochus tú uaimſi a
niugh, an ſin do gheabha tú días fear ag
úaighe Ráchel, a mbrúach Bheniamin,
a Selſah: agus déaruid ſiad riot, Na haſ-
ſuil a ndeachaidh thú dá níarruidh, do
fríth iad: agus féach do chuir hathair
na haſſail a neimhbrígh, agus ata doil-
ghioſach umaibhſi, gha rádh, Cred dhea-
nas mé fam mhac?
3 Ann ſin rachaidh tú ar haghaidh
as ſin, agus tiucfa tù go réiteach Tá-
bor, agus teigeomhuid triúr feár dhuit
annſin ag dul ſúas go Día go Bétel,
duine (dhiobh) ag iomchar trí meannán,
duine eile ag iomchar thri mbuilín a-
ráin, agus duine eile ag iomchar bui-
déil fíona.
4 Agus beinneochuid ſíad duitſi,
agus do bhéaruid dhá bhuilín aráin duit,
noch ghlacfas tú as a lámhuibh.
5 Na dhiaigh ſin tiucfa tú go cnoc Dé,
mar a bhfuil gárda na bhphiliſtíneach,
agus tiucfaidh a gcrích, a nuair thiuc-
fas tú ann ſin don chathruigh, go ttei-
geamha tú ré cuideachda fáigheadh ag
teachd a nuas ón náit áird maille re
pſaltair, agus re tabuir, agus re píob, &
re cláirſigh rompa, agus do dhéanuid
faidheadóireachd.
6 Agus tiucfa ſpiorad an Tighearna
ortſa, agus do dhéana tu faidheadói-
reachd leó, & iompóchar thú ad dhuine
eile.
7 Agus go madh hamhluigh bhías, a
nuair thíucfaid na comharthuigheſi ort
go ndéana tú do reír mar bhías ocáid
agad, oír atá Día maille riot.
8 Agus rachaidh tú ſíos romhamſa go
Gilgal, agus féach tiucfá miſi ſiós chu-
gad dofráil ofrala loiſge, & díobhairt
íodhbhartha ofrala ſióthchána: ſeachd lá
fhanfas tú go ttí miſi chugad, & go
ttaisbeanuidh mé dhuit cred dhéanas tú.
9 Agus is amhlaidh do bhí a núair
do iompoigh ſé a chúl dimtheachd ó
Shamuel, go ttug Día croidhe oile dhó:
& tangadar na comharthuigh ſo uile a
ccrích an lá ſin féin.
10 Agus a núair thangadar ann ſin
chum an chnoic, féach tárla cuideachda
do ná fáighibh ris, & thainic ſpiorad
Dé airſion, agus do rinne ſé fáigheadói-
reachd mar aon riù.
11 Agus tárla a nuáir do chonnca-
dar na dáoine uile aga raibh a fhios cia
hé roimhe, féach go raibh ſé ag fáighea-
dóireachd a meaſc na bhfáigheadh, ann
ſin a dubhradar na daoine gach aon re
chéile, Cred é ſo tháinic ar mhac Chis?
an bhfuil Saul fós a meaſc na bhfái-
gheadh?
12 Agus do fhreagair áon don náit-
ſin féin, agus a dubhairt; ach cía hé
a nathairſion? uime ſin thainic chum a
bheith

bheith na sheanfhochal, An bhfuil Saul
fós a measc na bhfáigheadh?
13 Agus a núair do chríochnuigh sé
fáigheadóireachd, tháinic sé don náit
áird.
14 Agus a dubhairt dearbhrathair
athar Shauil ris agus ré na shearbhfo-
ghantuigh, Cáit a ndeachabhairsi? & a
dubhairt Seision, Díarruigh na nasal,
agus a nuáir do choncamar nach ra-
bhadar a néanbhall, thangamar go
Samuel.
15 Agus a dubhairt dearbhrathair a-
thar Shauil ris, Guidhim thú, innis da-
mhsa cread a dubhairt Samuel ribh.
16 Agus a dubhairt Saul re dearbhra-
thair a athar, dinnis sé dhúinn go fol-
lus gur frith na hassail; acht do thá-
oibh chúisi na ríoghachda, dar labhair
Samuél ris, níor innis sé éinni dhó,
17 Agus do ghoir Samuel an pobal
a ccionn a chéile go Mispeh chum an
Tighearna.
18 Agus a dubhairt sé ré cloinn If-
rael, is marso a deir an Tighearna
Dia Israel, Thug misi Israel amach as
an Négipt, agus do sháor mé sibh ó
lámhuibh na Négipteach, agus as láimh
a nuile ríoghachd, agus ón muintir do
bhrúigh sibh.
19 Agus do dhiúltabhairsi a niugh
dá bhur Ndía, noch gur bé féin do sháor
sibh ó bhur nuile aindeisi, agus ó bhur
mbuaidhreadh: agus a dubhrabhair ris,
Ní headh, achd cuir Rígh ós ar gcionn.
Annois ar a nadhbhar sin, taisbeanuigh
sibh féin a lathair an Tighearna do réir
bhur ttreabh, agus do réir bhur míl-
teadh.
20 Agus a nuáir thug Samuel air
threabhuibh Israel uile teachd a la-
thair, do glacadh treabh Bheniamin.
21 A nuáir thug sé air threibh Bhen-
iamin teachd a bhfogus do réir a muin-
tear, do glacadh muintir Mhátri, a-
gus na dhiáigh sin do glacadh Saul mhac
Cis: agus a nuáir do iarradar é, níor
frith é.
22 Uimesin dfíafruigheadar don Ti-
ghearna a rís, an ttiucfadh an tóglach fós
chuca, agus do fhreagair an Tighearna,
Féachuidh dfoluigh sé é féin a measc
na caráiste.
23 Agus do ritheadarsan, agus tuga-
dar as sin é: agus a nuáir do sheas
se a measc an phobail, do bhí sé níos
áirde ná éinneach do na dáoinibh, óna
ghuáillibh súas.
24 Agus a dubhairt Samuel ris an
bpobal uile, Féachuidh an té do thogh
an Tighearna, nach bhfuil áon cosmhuil
ris a measc an phobail uile? agus do
gháireadar an pobal uile, agus a dubhra-
dar, Go mairigh an Rígh.
25 Ann sin do thaisbéin Samuel don
Phobal modh na Ríoghachda, agus do
scríobh a leabhar é, agus do chuir a
bhfiadhnuise an Tighearna é, agus do
chuir Samuel an pobal uile ar siubh[al]
gach éinneach dhá thigh féin.
26 Agus do chuáidh Saul fós dha bh[aile]
go Gibeah, agus do chuáidh ba[nna]
daoine leis, ar chorruigh Día a g[cro]-
idhthe.
27 Acht a dubhradar clann Bh[elial],
Cíondus chuímhdeochus an fearso sin[n]
agus do chuireadar a neimhní é, a[gus]
ní thugadar tiodhlacadh ar bi[th]
chuige: achd do bhí seision n[a]
thochd.

CAIB. XI.

Do bhuaghuigh Saul le trí chéad míle slóigh ar na Hammonítibh.

AN sin tháinic Nahas an Tammóniteach
súas, agus do rinne campa as coinne
Jabes Gilead: agus a dubhradar muintir
Jabes-Gilead uile re Nahas, Déa-
na cunradh rinne, agus uimhleochamaoid
dhuit.
2 Agus do fhreagair Nahas an Tam-
moniteach íad, ar an nachdso do dhéa-
na mé cunradh ribh, bhur súile deasa
uile do bhuáin asuibh, agus a thabhairt
mar mhasla Disrael uile.
3 Agus a dubhradar sinnsir Jabes
ris, Tabhair dhúinn cáirde sheachd lá go
gcuirmis teachda ann gach uile chósta
Disrael, agus ann sin muna bhfaghamaoid
aonduine thárrthochus sinn, tiucfam a-
mach chugadsa.
4 Ann sin thangadar na teachda go
Gibéah Shauil, agus do innisiodar na
scéula a gcluasaibh an phobail: agus
do thógbhadar na daóine uile a nguth
súas, agus do ghuileadar.
5 Agus féach, tháinic Saul a ndiáigh
na healbha ó na machairighibh, agus a
dubhairt Saul, Cred do imthigh ar an
bpobal as a nguilid siad? agus dinnisio-
dar dhó scéula mhuintire Jabes.
6 Agus thainic spiorad Dé ar
Shaul a nuáir do chúala sé na scéu-
la sin, agus do las a fhearg go ro
mhór.
7 Agus do ghabh sé cúpla damh, &
do rinne spodladha dhíobh, agus do
chuir sé ar feadh chóstadha Israel uile
íad a lamhuibh theachdaireadh, gha rádh,
Gidh bé nach ttiucfa amach a ndiáigh
Shauil agus Shamuel, as mar so do dhéan-
tar re na dhamhuibh: agus do thuit
eagla an Tighearna ar an bpobal, agus
tangadar amach déantoil.
8 Agus a nuáir do chomháirimh sei-
sion íad a Mbesec, do bhádar clann Is-
rael trí chéad míle, agus muintir Júdah
tríochad míle.
9 Agus a dubhradár ris na teachd-
uibh tháinic, Abruidh mar so re muin-
tir Jabes-Gilead, a márach fuil bhías an
ghrían té, do gheabhthaói cabhair. Agus
thangadar na teachda, agus dinnis-
siodar

[...]tar sin do mhuintir Jabes, agus do
[...] lúathgháire orra.
10 Uimesin a dubhradar daoine Ja-
[bes] [ris na Hammonítibh] Tiucfam a-
[mach] chugaibh a márach, agus do
dhéantaoi rinn a nuile ní bhus áill libh
[ris].
11 Agus is amhluidh bhí ar na mhá-
[ra]ch, gur chuir Saul a mhuintir a ttrí
[buidh]eachda, agus tangadar a lár an
[tsluai]gh a bhfaire na maidne, agus do
[mh]arbhadar na Hammonítigh go teas
an lói: agus tárla an mhéid do mhair
dhíobh gur scaoileadar ó chéile, go nach
[fh]uith gaol deisi aca re chéile.
12 Agus a dubhradar an pobal uile
re Samuel, cia hé an duine a dubhairt,
An mbía Saul na Rígh oruinn? tug-
[ai]dh chugainn na daoine go ccuirmis
chum báis iad.
13 Agus a dubhairt Saul, ní cuir-
[fidh]ear éanduine chum báis a niugh: óir
is a niugh do oibrigh an Tighearna
[t]árthail a Nisrael.
14 Ann sin a dubhairt Samuel ris
an bpobal, éirgidhe, agus deanam go
Gilgal, agus athnuáigheam an ríoghachd
ann.
15 Agus do chúadar an pobal uile
go Gilgal, agus do rinneadar Rígh do
Shaul ann sin a lathair an Tighearna a
Ngilgal; agus annsin do iodhbradar
iodhbartha ofrála síothchána a bhfiagh-
nuisi an Tighearna, agus ann sin do
rinne Saul, agus clanna Israel uile
gáirdeachus mór.

CAIB. XII.

*As Samuel ag Tógbhail fiaghnais sa noi-
reachdais, ar a ionnracas na measc.*

AGus a dubhairt Samuel re Hisrael
uile, féuchaidh déist mé ré bhur
nglór ann gach uile ní dá ndubhrabhair
rium, agus do rinne mé Rígh ós bhur
ccionn.
2 Agus anois féachaidh, atá an
Rígh ag siubhal romhuibh: agus atáim-
si sean agus ceinnliath, agus féachuidh
atáid mo mhic aguibh: agus do shiu-
bhail mé romhuibhsi óm naóidheantachd
gus a niugh.
3 Féachuidh, atáim annso, déanuidh
fiadhnuisi am aghaidh a lathair an
Tighearna, agus a lathair a ungthuidh.
Cía agaibh dar bhean mé a dhamh?
nó cía dar bhean mé a assal? no cía
do mheall mé? no cía do ghortuigh
mé? nó cía hí an lámh as ar ghlac
mé comha ar bith do dhalladh mo
shul leis? agus aiseoga mé dhíbh é.
4 Agus a dubhradarsan, níor mheall
tú sinne, agus níor sháruigh tú sinn, ní
mó do ghlac tú éinní as láimh éan-
duine.
5 Agus a dubhairt sesion ríu, Is
fiadhnuisi an Tighearna bhur naghaidh,
agus is fiadhnuisi a ungtha san ló a-
niugh, nach bhfúarabhair éinní am
láimh: agus do fhreagradarsan, Is fi-
adhnuisi.
6 Agus a dubhairt Samuel ris an
bpobal, asé an Tighearna do órduigh
Máoise agus Aaron, agus thug bhur
naithre amach as críoch na Hégipte.
7 Annois ar a nadhbharsin san-
uidh bhur seasamh go ndéarna mé
aidhnios ribh a lathair an Tighearna,
fá uile ghníomhradh ceart an Tighear-
na, noch do rinne sé dhíbhse, agus dá
bhur naithribh.
8 A nuáir tháinic Jácob a steach
don Négipt, agus do éighmheadar bhur
naithre air an TTighearna, ann sin do
chuir an Tighearna Máoisi agus Aa-
ron chugaibh, noch thug bhur naithre
amach as an Négipt, agus thug orra
comhnuighe dhéanamh san náitsi.
9 Agus a nuáir do dhearmadar a
TTighearna Día, do reac sé íad a
láimh Shisera caiptín slóigh Hasor,
agus a láimh na Bhphilistíneach, agus
a láimh Rígh Móab, agus do throidea-
dar na naghaidh.
10 Agus do éighmheadar chum an
Tighearna, agus a dubhradar, Do phea-
cuigheamar do bhrígh gur thréigeamar
an Tighearna, agus gur adhramar Báa-
lim agus Astarot; achd a nois sáor sinn
as lámhuibh ar námhad, agus do
dhéanam seirbhís duit:
11 Ar a nadhbharsin do chuir an
Tighearna Jerubbaal, agus Bedan, agus
Jephthah, agus Samuel chugaibh, agus
do thárrthuigheadar sibh ó láimh bhur
námhad air gach uile thaobh, agus do
chomhnuigheabhair daingean.
12 Agus a nuáir do chonncabhair
go ttáinic Nahas Rígh chloinne Ammon
bhur naghaidh, a dubhrabhair riomsa,
Ní headh, achd biáidh Rígh ós ar
gcionn; a nuáir gur bhé bhur TTigh-
earna Dia sá Rígh dhíbh.
13 Annois ar a nadhbharsin, féa-
chaidh an Rígh do thoghabháir, agus
díarrabhair: agus féachuidh, do chuir
an Tighearna Rígh ós bhur gcionn.
14 Ma bhíonn eagla an Tighearna
oruibh, agus seirbhís do dhéanamh
dhó, agus umhlughadh dhá ghlór, agus
gan cathughadh a naghaidh aitheanta an
Tighearna, ann sin sanfuidh sibh féin,
agus an Rígh bhías ós bhur ccionn go
bunáiteach ag leanmhuin bhur TTigh-
ghearna Día.
15 Acht muna numhluidhigh sibh
do ghuth an Tighearna, ach cathu-
ghadh a naghaidh aitheanta an Tigh-
earna, ann sin biáidh lamh an Tigh-
earna bhur naghaidh, mar do bhí a
naghaidh bhur naithreadh.
16 Annois ar a nadhbharsin seas-
uidh-

uidh, agus féachuidh an ni mórso dhéanas an Tighearna as coinne bhur súl.

17 Nach é foghmhar na cruithneachda a niugh? guidhfidh misi an Tighearna, agus cuirfidh sé tóirneach agus fearthuinn, chor go ttuigfidhe, agus go bhfaicthi gur mór bhur gcionta, noch do rinneabhair a lathair an Tighearna, a niarruidh Rígh dhíbh féin.

18 Mar sin do ghoir Samuel ar an Ttighearna, agus do chuir an Tighearna tóirneach, agus fearthuinn an lá sin; agus do ghabh eagla mhór an pobal uile roimhe an TTighearna agus roimhe Shamuel.

19 Agus a dubhradar an pobal uile re Samuel, Guidh do Thighearna Día air son do sheirbhíseach, go nach bhfagham bás: óir do chuireamhar a gcionn ar bpeacaidh uile an tolcso, Rígh iarruidh dúinn féin.

20 Agus a dubhairt Samuel ris an bpobal, Ná bíodh eagla oruibh: (do rinneabhair na cionta sa uile; gidheadh ná héirghidhe do leathtaóibh ó leanmhuin an Tighearna, achd adhraidh an Tighearna maille re bhur nuile chroidhe.

21 Agus ná héirghidhe do leathtaoibh: óir annsin leanfuidhe neithe díomhaóine, nach déan tarbha nó tárrtháil: óir is díomhaóin iad.)

22 Oir ní thréigfidh an Tighearna a phobal féin air son a anma mhóir: do chionn gur bhí toil an Tighearna a phobal féin do dhéanamh dhíbh.

23 Os a chionn sin ar mo shonsa nár léigidh Día go ndéanuinn peacadh a naghaidh an Tighearna ann sgur do ghuidhe ar bhur son: achd múinfidh mé dhíbh an tslíghe mhaith dhíreach.

24 Amháin bíodh eagla an Tighearna oruibh, agus adhruidh é go fírinneach maille re bhur nuile chroidhe; óir measfuidh cred é méud na neitheann do rinne sé ar bhur son.

25 Acht má nithí droichghníomha do ghnáth, scriosfuighear aráon sibh féin agus bhur Rígh.

CAIB. XIII.

Ag eagal na Bphilistineach. 9 Do rinne Saul aindlighe. 14 Noch bá cúis ar a thealgail.

DO bhí Saul bliadhan na Rígh, agus a nuair do bhí na Rígh dhá bhliadhuin ós cionn Israel,

2 Do thogh Saul dhó féin trí mhíle fear do Israel, ionnus go mbeidis dhá mhíle fear dhíobh a bhfochair Shauil a Michmas, agus a sliabh Bétel, agus míle ag Jonatan a Ngibeah Bhenjamin: agus do chuir sé an chuid oile don phobal gach éan duine dhá áit féin.

3 Agus do bhuáil Jonatan daingneacha na Bhphilistineach, do bhí a Ngeba, agus do chualadar na Philistinigh é; agus do sheid Saul an stoc ar feadh na críche uile, gha rádh, Cluinnedís na Heabhraidhe.

4 Agus do chúala Israel uile dhá rádh, gur bhúail Saul daingneach do na Philistinibh: agus do goireadh an pobal a gcionn a chéile a ndiaigh Shauil go Gilgal.

5 Agus do chruinnigheadar na Philistinigh iad féin a gcionn a chéile do throid a naghaidh Israel, tríochad míle carbad, agus sé mhíle marcach, agus dáoine mar an gaineamh, noch bhí ar thráigh na fairge air iomadamhlachd: agus tangadar súas, agus do suidheadar a Michmas, loir ó Bhetabhen.

6 A nuáir do chonncadar fir Israel go rabhadar a gcumhgach (óir do bhádar na dáoine a néigion) annsin dfolchadar an pobal iad féin a nuamhaibh, agus a bhfiodhbhuibh, agus a gcairrgibh, agus a náitibh árda, agus a cclasachaibh.

7 Agus do chuadar cuid do na Heabhruidhibh a nonn tar Iordan go tír Ghad, agus Ghiléad: agus ar son Shauil, do bhí se fós a Ngilgal, agus do leanadar na dáoine uile é ar coimhchrith.

8 Agus dfan sé seachd lá do reir na haimsire cinnte do órduigh Samuel; ach ní tháinic Samuel go Gilgal, agus do leathnuigheadar na dáoine úadha.

9 Agus a dubhairt Saul, Tugaidh chugam annso ofráil loisge, agus ofrála síothchána: agus do íodhbhair sé an nofráil loisge.

10 Agus tárla comhluath is chuir sé deireadh le hofráil na híodhbhartha loisge, féach, tháinic Samuel, agus do chuáidh Saul amach na choinne, go mbeannuigheadh sé dhó.

11 Agus a dubhairt Samuel, Cred do rinne tusa? agus a dubhairt Saul, Do chionn go bhfacaidh mé na dáoine ar leathnughadh uáim, & nach dtáinic tusa táobh a stigh don ló chinnte, agus gur chruinnigheadar na Philistinigh iad féin a bhfochair a chéile go Michmas:

12 Uime sin a dubhairt me, Tiucfaid na Philistinigh orum a núas anois go Gilgal, agus ní dhearna mé eadarghuidhe ris an TTighearna: do choimhéignigh mé mé féin ar a nadhbharsin, agus dofráil mé ofráil loisge.

13 Agus a dubhairt Samuel re Saul, do rinne tú so go leamh, agus níor choimhéad tú aithne do Thighearna Dé, noch do aithin sé dhiot: óir anois do dhaingneochadh an Tighearna do ríoghachd air Israel go brath.

14 Acht anois ní sheasfuidh do ríoghachd: diarr an Tighearna duine dhó féin

féin do réir a chroidhe féin, agus do
aithin an Tighearná dhé bheith na chaip-
tin ós cionn a dhaoine, do chionn nar
choimhéad tusa an ní do fhuágair an Ti-
ghearna dhuit.
15 Agus déirigh Samuel, agus do
chuaidh súas ó Ghilgal go Gibeah Bhen-
jamin, agus do chomháirimh Saul na
daoine do bhí a lathair aige, timchioll
sé céad fear.
16 Agus dfan Saul agus Jonatan a
mhac, agus na dáoine do bhí a lathair
aca a Ngibeáh Bhenjamin: achd do
bhádar na Philistinigh a gcampa a
Michmas.
17 Agus tangadar na creachadóirighe
amach as campa na Bhphilistíneach a
ttri gcuideachda: diompoigh cuideachda
aca chum na slígheadh go Hophrah, go
fearann Shual.
18 Agus do iompoigh cuideachda
oile ann sa tslighe go Bet-óron: agus
diompoigh cuideachda oile chum a ni-
mil, noch fhéachus go gleann Sheboim
leath ris an bhfásach.
19 Annois níor fríth gabha ar feadh
duiche Israel uile: oir a dubhradar na
Philistinigh, Deagla go ndéanaidís na
Heabhruidhe cloidhmhe, nó gaéthe.
20 Ach do théighdís Israel uile
sios gus na Philistinibh, gach èan-
duine do ghéarughadh a shuic, agus a
choltair, agus a thuáighe, agus a phi-
oide.
21 Gidheadh do bhí oighe-chomalta
aca re haghaidh na bpicóideadh, agus na
coltar, agus na ngabhal, agus na ttúagh,
agus do ghéarughadh na slait-phriocadh.
22 Ionnus go ttárla dhóibh a
ló an chatha, nach fríth cloidheamh
nó gath a laímh éanduine don phobal
do raibh a bhfochair Shauil agus Io-
natan, achd ag Saul agus ag Ionatan a
mhac.
23 Agus do chuáidh Gárda na
Bhphilistíneach amach go slighthibh
Mhichmas.

CAIB. XIV.

Do bhuail Jonatan agus fear iomchar a airm, na Philistinigh. 24 Ach tug mionna dian a athar a ngar don bhás é.

ANois tárla lá áirigh go ndubhairt
Ionatan mhac Sauil ris a nó-
gánach do iomchair a airm, Eírigh,
agus déanam anonn go garda na
Bhphilistineach, atá ar an ttáoibh
thall: achd níor innis sé sin da a-
thair.
2 Agus dfan Saul annsa chuid dob
fhaide amach do Ghibeah fáoi
chrann pomgránait, noch atá a Mi-
gron; agus na dáoine do bhí na
fhochair do bhádar timchioll shé
gcéad fear.
3 Agus Ahiah mhac Ahitub, dear-
bhrathair Ichaboid, mhic Phineas,
mhic Eli, sagart an Tighearna ó
Shíloh ag iomchar Ephoid; achd ni
raibh a fhios ag an bpobal gur im-
thigh Ionatan.
4 Agus eidir na slighthibh cumh-
ga sin ar thairg Ionatan dul anonn
go gárda na Bhphilistineach, do bhí
carruic ghéur a ttaobh dhe, agus
carruic ghéur don taobh eile; agus
ainm cairrge dhíobh Boses, agus Seneh
ainm na cairge eile.
5 Do bhí aghaidh cairrge dhíobh ar
na suighiughadh budh thuáidh, thall as
coinne Mhichmas, agus an aghaidh
oile budh dheas thall as coinne Ghi-
beáh.
6 Agus a dubhairt Ionatan ris a
nóganach do iomchair a airm, Glu-
áis, agus deanum anonn go gárda na
ndáoine nemhthimchill-ghearrthasa; dob
éidir go noibreochadh Día air ar son:
óir ní bhfuil toirmheasg ar an TTi-
ghearna dídean da dhéanamh lé mórán
nó lé beagán.
7 Agus a dubhairt fear iomchair a
airm ris: déana gach ní dá bhfuil ad
inntinn: iompoigh thú féin, feúch, a-
táimsi leachd do réir do thola.
8 Ann sin a dubhairt Jonatan, féach
racham anonn mar a bhfuilid na daói-
nesi, agus foillseocham sinn féin
dóibh.
9 Ach má deirid síad rinn marso,
Fanuidh nó go ttigiom chugaibh; ann-
sin fanfam ar seasamh ann ar náit, agus
ní racham súas chuca.
10 Achd má deirid mar so; Tigidh
súas chugainn, annsin racham súas:
óir thug an Tighearna ann ar láimh
iad; agus biáidh so na chomhartha
aguinn.
11 Agus do thaisbeanadar iad féin
araon do ghárda na Bhphilistineách,
agus a dubhradar na Philistinigh, feúch,
atáid na Heabhruidhe ag teachd amach
as na polluibh mar ar fholchadar iad
féin.
12 Agus do fhreagradar muin-
tir an ghárda Jonatan agus fear
iomchair a airm, agus a dubhradar,
Tigidh súas chugainne, agus tais-
beanfam ní dhíbh: agus a dubhairt
Ionatan re fear iomchair a airm,
tárr súas am dhiáigh, óir do tho-
irbhir an Tighearna a láimh Israel
iad.
13 Agus do chuáidh Ionatan le
dreapaireachd súas air a lamhuibh
agus air a chosuibh, agus fear iom-
chuir a airm na dhiáigh: agus
do thuiteadar roimhe Ionatan, agus
do mharbh fear iomchair a airm na
dhiáigh.

14 Agus do bhí an céad ár sin
thug Jonatan agus fear iomchair a
airm, timchioll fhithchid fear, taobh a
stigh timchioll leath acra fearuinn, trea-
bhadh chuingealach damh.
15 Agus do bhí coimhchrith annsa
tsluaigh, annsa machaire, agus ar fud na
ndaóine uile; an gárda, agus na crea-
chadóirigh do bhí critheagla orrasan
mar an gcéadna, agus do chriothnuigh
an talumh: ionnus go raibh na chriothnu-
ghadh ro mhór.
16 Agus do fhéachadar luchd faire
Shauil a Ngibeah Bheniamin, agus do
chonncadar an slúagh ag leaghadh as a
chéile, agus gur thiomáineadar ar a
chéile bhúaladh.
17 Annsin a dubhairt Saul ris an
muintir do bhí na fhochair, áirmhidhe
anois, agus féachaidh cía chuaidh uáinn.
Agus a nuáir do áirmheadar, féach, ní
raibh Jonatan, ná fear iomchartha a
airm ann.
18 Agus a dubhairt Saul ré Hahi-
ah, tabhair Airc Dé annso: óir do
bhí Airc Dé an tansin ag cloinn
Israel.
19 Agus tárla an fad do bhi Saul
ag comhrádh ris an tsagart, go raibh
an tarmán do bhí a slúagh na Bhpili-
stíneach ag dul ar aghaidh, agus gur
mhéaduigh sé: agus a dubhairt Saul ris
an tsagart, Connuimh do lámh.
20 Agus do chruinnigh Saul agus
a raibh do dhaóinibh na fhochair íad
féin, agus tangadar chum an chatha, agus
féach do bhí cloidheamh gach éanduine
a naghaidh a chompánuigh, agus do bhí
dioghbháil romhór ann.
21 Tuilleamh eile, na Heabhruidhe
do bhí a bhfochair na Bhphilistíneach
roimhe sin, noch do chuaidh súas léo don
champa sa gcuáirt, diompoigheadar sin
mar an gcéadna leis na Hisraelitea-
chaibh do bhí a bhfochair Ionatan agus
Shauil.
22 Fir Israel uile fós, noch do
fholuigh íad féin a sliabh Ephraim,
a nuáir do chúaladar gur theitheadar
na Philistinigh, do leanadar sin mar
an gcéadna go cruáidh íad, ann sa
chath.
23 Mar sin do sháor Día Israel an
lá sin, agus do chuáidh an troid anonn
go Bet-abhen.
24 Agus do bhádar muinntir Israel
go haindeis an lá sin: óir do chuir
Saul na daoine fa mhionnuibh, gha
rádh: Go madh malluigh an duine íosas
biadh ar bith go tráth nóna, ionnus
go raibh misi dioghaltach ar mo ná-
mhaid: mar sin nar bhlais éanduine do
na daoinibh biadh ar bith.
25 Agus tangadar muintir na tíre
uile chum coilleadh, agus do bhí mil ar
an ttaluimh.
26 Agus a nuáir thangadar na dao-
ine san ccoill, féach do shil an mhil,
achd níor chuir éanduine a lámh chum a
bhéil; oir do bhí eagla na mionn ar na
daóinibh.
27 Acht ní chúala Jonatan a nuáir
do chuir a athair na mionna ar na
daóinibh: uimesin do shín bárr na
slaite do bhí na láimh, agus do thum
a gcriathar meala, agus do chuir
a lámh chum a bheóil, agus do shoillsi-
gheadar a shúile.
28 Ann sin do fhreagair duine don
phobal, agus a dubhairt, do chuir ha-
thair mionna crúaidhe ar na daóinibh,
dhá rádh; Go madh malluigh an duine
íosas biadh a níugh; agus do chuáidh
an pobal a nanbhfuinne.
29 Ann sin a dubhairt Jonathan, do
bhuáidhir mathair an dúithche, féach-
uidh, mar athchuinghe oruibh, mar do
shoillsigheadar mo shúilesi do chionn gur
bhlais mé don mhilse.
30 Cá mhéid ní sa mhó dá nithidís
na daóine go sáor a niugh déadáil a
námhad, noch fuaradar? óir nach
bíadh anois ár budh romhó a measc na
Bhphilistineach?
31 Agus do bhuáileadar na Phi-
listinigh an lá sin ó Mhichmas go
Hajialon; agus do bhádar na daoine
ro-lag.
32 Agus do thiomáineadar na daóine
ar na creachaibh, agus dó ghabhadar
cáoirigh, agus daimh, agus gamhna;
agus do mharbhadar ar an ttalumh íad,
agus dúadar na daóine íad maille re na
bhfuil.
33 Ann sin do innisiodar do Shaul,
ghá rádh, féach do pheacaidh an pobal a
naghaidh an Tighearna, mar a táid ag
ithe gon an nfuil; agus a dubhairt sé-
sion, Do sháruigheabhair: iomhaidh
cloch mhór chugamsa a niugh.
34 Agus a dubhairt Saul, leathnui-
ghidh sibh féin a measc cháich, agus ab-
raidh ríu, tugaidís chugamsa annso
gach éanduine a dhamh, agus gach éand-
uine a cháora, agus marbhaidís annso
íad, agus ithedís, agus ná peacuidheadís
a naghaidh an Tighearna a nithe maille
ris an bhfuil. Agus tugadar an pobal
uile gach éanduine a dhamh leis a
noidhche sin, agus do mharbhadar ann
sin íad.
35 Agus do rinne Saul altóir don
Tighearna, si sin an chéad altóir do
rinne sé don Tighearna.
36 Agus a dubhairt Saul, deanam
sios a ndiáigh na Bhphilistíneach
san noidhche, agus creacham íad
nó go tti solus na maidne, agus
ná fagbham duine dhiobh. Agus a
dubhradarsan, déana gidh bhé ní is
feárr do chítear dhuit: ann sin a dubhairt
an sagart, Táirngiom annso láimh re
Día.
37 Agus díarr Saul comhairle ar
Dhía; An racha mé sios a ndiáigh na
Bhphilistíneach? an ttiubhra tú a láimh
Israel

Iſrael iad ? ach níor fhreagair ſé an
lá ſin é.
38 Agus a dubhairt Saul, tíirngidh
a lathair annſo a bhfuiltí do dhaóinibh
as feárr ann ſin : agus biodh a fhios
agaibh, agus féachnidh cáit a raibh an
peacadh ſo a niugh.
39 Oír mar mhaireas an Tighearna,
nach ſhaorus Iſrael, bíodh gur ob ann
Jonatan mo mhacſa atá, do gheabha ſé
bás go deimhin : achd ní raibh duine
a measc an phobail do fhreagair é.
40 Ann ſin a dubhairt ſé re Hiſrael
uile, bithiſe ar éantaobh, agus biaidh
miſi agus Jonatan mo mhac don táobh
eile : agus a dubhairt an pobal ré Saul,
déana mar do chítear dhuit féin.
41 Uime ſin a dubhairt Saul ris an
Tighearna Día Iſrael, Taisbéan crann-
char comhthrom. Agus do thuit ar
Shaul, agus ar Jonatan : achd do ſao-
radh an pobal.
42 Agus a dubhairt Saul, teilgidh
crannchar eadramſa agus mo mhac Jo-
natan : agus do thuit ſé ar Jona-
tan.
43 Ann ſin a dubhairt Saul ré Jo-
natan, innis damh, cred do rinne tú ?
agus do innis Jonatan dó, agus a du-
bhairt, Ní dhéarna mé achd beagán mea-
la do bhlas lé bárr ſlaite do bhí am
láimh ; agus féuch, caithfidh mé bás
d'fhaghail.
44 Agus do fhreagair Saul, go ndéar-
na Día ſin, agus tuilleamh mar an
gcéadna : óir do gheabha tú bás go
deimhin, a Jonatan.
45 Agus a dubhradar an pobal re
Saul, An bhfuighe Ionatan bás, noch
do oibrigh an tárthail mhórſo ann Iſ-
rael ? nar léigidh Día : mar mhaireas
an Tighearna, ní rachaidh ruibe do
ghrúaig a chinn chum talmhan : óir do
oibrigh ſé le Día a niugh : mar ſin do
fhuasgladar an pobal Jonatan amach,
nach ar cuireadh chum báis é.
46 Ann ſin do chuáidh Saul ſíos ó
leanmhuin na Bhphiliſtíneach : agus do
chuadar na Philiſtinigh dá nionad
féin.
47 Marſin do ghabh Saul an Rio-
ghachd ós cionn Iſrael, agus do cha-
thaigh a naghaidh a námhad a nuile thá-
obh ; a naghaidh Mhóab, agus a nagh-
aidh chloinne Ammon, agus a naghaidh
Edom, agus a naghaidh Rígh Sóbah,
agus a naghaidh na Bhphiliſtíneach :
agus gidh bé taobh a niompoigheadh é
féin, do bhúaidhreadh íad.
48 Agus do chruinnigh ſé ſluágh
agus do bhuáil ſé na Hamalecítigh, agus
do ſháor Iſrael as lámhuibh na muin-
tire do bhí dá milleadh.
49 Annois dob íad mic Shaul, Jona-
tan, agus Iſui, agus Melchiſua : agus dob
iad ſo anmanna a dhéiſe inghean, ainm
na mná fá ſine Mérab, agus ainm na
mná dob óige Michal.
50 Agus Ahinoam ainm mhná Shauil,
inghean Ahimaas : agus ainm chaiptín
a ſhlóigh Abner mhac Ner, dearbhra-
thair athar Shaul.
51 Agus Cis athair Shauil, agus Ner
athair Abner fá mac do Abiel é.
52 Agus do bhí cogadh crúaidh a
naghaidh na Bhphiliſtíneach an ſad do
mhair Saul : agus a nuair do chíodh
Saul duine láidir ar bith, nó duine
curata, do bheireadh chuige é.

CAIB. XV.

Easumhla Shaul. 16 Agus ſmachd an Tighearna.

AGus a dubhairt Samuel fós ré Saul,
do chuir an Tighearna miſi dot
ungadhſa dot bheith ad Rígh ós chionn a
phobail, ós chionn Iſrael : annois ar a
nadhbharſin, Tabhairſi haire dfuaim
bhriathar an Tighearna.
2 Is marſo a deir Tighearna na
ſluagh, cuimhnighim an ní do rinne A-
malec re Hiſrael, mar do chuir ſé
luigheachán roimhe annſa tſlighe, a nuáir
tháinic ſé amach ón Négipt.
3 Annois éirigh, agus buáil Amalec,
agus léirſcrios gach uile ní dá bhfuil
aca, agus na coigil iad : ach marbh
an bhean agus an fear, an leanamh
agus naoidhe na cích, an damh
agus an cháora, an cámall agus an
taſſal.
4 Agus do chruinnigh Saul na dáoine
a bhfochair a chéile, agus do chomháir
íad ag Telaim, dhá chéad míle coiſigh
agus deich míle fear do Júdah.
5 Agus tháinic Saul go cathruigh le
Hamalec, agus do chuir luidheachán
annſa ghleann.
6 Agus a dubhairt Saul ris na Ceni-
teachaibh, éirgidhe, fágbhuidh ſo,
teighidh ſíos ó bheith a measc na Na-
maleciteach, deagla go ſcriosfuinnſi ſibh
maille riú : óir do thaisbeanabhairſi
muinteardhas do chloinn Iſrael uile, a
nuair thangadar ſúas as talumh na Hé-
gipte : marſin dimthigheadar na Ce-
nítigh ó bheith a measc na Namale-
citeach.
7 Agus do bhúail Saul na Hama-
lecitigh ó Habhilah nó go ttí tú go
Sur atá thall as coinne na Hégip-
te.
8 Agus do ghabh ſé Agag Rígh na
Namaleciteach beó, agus do léir-
ſcrios na daoine uile lé faobhar an chlo-
idhimh.
9 Ach do choigil Saul, agus a mhuin-
tir Agag, agus an chuid do bfeárr
do na cáorchuibh agus do na damhuibh,
agus do na méathuibh, agus do na húa-
nuibh, agus gach éinní bhí go maith, agus
níor

nior bháill leó a léirſgrios: achd gach éinni dhá raibh mímheaſta agus tarcuiſneach, do ſcrioſadar iad ſin go hiomlán.

10 Ann ſin tháinic briathar an Tighearna go Sámuel, gha rádh,

11 As aithreach liom go ndearna mé Rígh do Shauil: óir do iompoigh ſé ó miſi leanmhuin, agus níor choimhlíon maitheanta. Agus do ghoill ſin ar Shamuel, agus do eigh ar an TTighearna feadh na hoidhche.

12 Agus a núair do éirigh Samuel go moch do theagmháil re Saul ar maidin, do hinnſeadh do Shamuel, ghá rádh, thainic Saul go Carmel, agus féach do chuir ſé ſúas ait dhó féin; achd do chas ſé timchioll, agus do ghluaiſ roimhe ſios go Gilgal.

13 Agus tháinic Samuel go Saul, agus a dubhairt Saul ris, go madh beannuigh thú ón TTighearna: do chomhaill miſi aithne an Tighearna.

14 Agus a dubhairt Samuel, Máſeadh cread í an mhéidhleach ſo na ccaorach ann mo chlúaſaibh, agus géimneach na ndamh ad chluinim?

15 Agus a dubhairt Saul, ó na Hamaleciteachaibh thugadar íad: óir do choigleadar na dáoine an chuid do bféarr do na cáorchuibh, agus do na damhuibh do iodhbhairt dot Thighearna Diaſe, agus do ſcrioſamar thríd amach an chuid eile.

16 Ann ſin a dubhairt Samuel re Saul, Fan, agus inneoſa miſi dhuit cread a dubhairt an Tighearna riom a nocht. Agus a dubhairt ſeiſion ris, abair romhad.

17 Agus a dubhairt Samuel, a nuair do bhí tú beag ad radharc féin, nach déarnadh ceann díot ar threabhuibh Iſrael, agus nar ungaidh an Tighearna thú ad Rígh ós cionn Iſrael?

18 Agus do chuir an Tighearna thuſa a tturus, agus a dubhairt, éirigh agus ſcrios thríd amach na peacaich na Hamalecitigh, agus troid riú nó go ſcrioſtar iad.

19 Uime ſin cred fá nar umhluidh tú do ghuth an Tighearna, achd do ling tú ar a néadáil, agus do rinne tú cionta a radharc an Tighearna.

20 Agus a dubhairt Saul ré Samuel, ní headh do umhluidh miſi do ghuth an Tighearna, agus do chuáidh mé ſan tſlighe ionar chur an Tighearna mé, agus thug mé Agag Rígh na Namaleciteach liom, agus do ſcrios mé na Hamalecitigh uile.

21 Ach rugadar an pobal leó don néadáil, cáoiridh agus daimh, agus an cuid bá féarr dá gach éinní ba cóir a leirſgrios, chum íodhburtha dot Thighearna Día a Ngilgal.

22 Agus a dubhairt Samuel, an bhfuil oirid dúile ag an TTighearna a nofráluibh loiſge, agus a níodhbarthaibh, mar atá aige a numhla do ghlór an Tighearna? féuch, Is féarr umhlughadh ná íodhbairt, agus éiſdeachd ná meathar reitheadh.

23 Oír ionann dul an neaſurramachd, agus peacadh piſeóguigh, agus eaſumhla ionnán agus éaigceart & iodhaladhradh: Do chionn gur tharcuiſnigh tú focal an Tighearna, do tharcuiſnigh ſeiſion thuſa mar an gcéadna ó bheith ad Rígh.

24 Agus a dubhairt Saul re Samuel, do pheacaidh mé: óir do ſháruigh mé aithne an Tighearna, agus do bhriathraſa; do chionn gur raibh eagla an phóbail orm, agus gur áontoigh mé dhá nglór.

25 Annois ar a nadhbharſin, guidhim thú, tabhair maitheamhnus mo pheacaidh dhamh, agus iompóigh liom a rís, go nadhradh mé an Tighearna.

26 Agus a dubhairt Samuel re Saul, ní fhillſe miſi leachd: óir do tharcuiſnigh tú focal an Tighearna, agus do tharcuiſnigh an Tighearna thuſa ó bheith ad Rígh ar Iſrael.

27 Agus a núair do fhill Samuel dimtheachd ar ais, rug ſeiſion ar irr fáluinge air, agus do bhris í.

28 Agus a dubhairt Samuel ris, Do réub an Tighearna rioghachd Iſrael uaitſi a niugh, agus thug í dod chomharſuinn, noch is féarr ná thuſa.

29 Agus fós ní dhéana neart Iſrael bréag, agus ni bhiá aithreach: óir ní duine é as a mbíadh aithreachus air.

30 Ann ſin a dubhairt ſé, Do pheacaidh mé: gidheadh guidhim thú, onóruigh mé anois roimhe ſheanuibh mo phobail, agus roimhe Iſrael, agus iompoigh liom a rís go nadhraidh mé do Thighearna Dia.

31 Mar ſin do fhill Samuel a rís a ndiáigh Shauil: agus do adhair Saul an Tighearna Dia.

32 Ann ſin a dubhairt Samuel, tabhairſi leachd annſo chugamſa Agag Rígh na Namaleciteach; agus tháinic Agag ſúas chuige go cóirighthe. Agus a dubhairt Agag, go deimhin do chuáidh ſearbhadus an bháis ſeachad.

33 Agus a dubhairt Samuel, mar do rinne do chloidheamhſa mná gan chloinn mar ſin bhías do mhathairſi gan chloinn a meaſc na mban. Agus do gheárr Samuel Agag na chotchannuibh a lathair an Tighearna a Ngilgal.

34 Ann ſin do chuáidh Samuel go Rámah, agus do chuáidh Saul ſúas go Gibeah Shauil, dhá thigh féin.

35 Agus ní tháinic Samuel níos ſa mhó dféachuin Shauil go ló a bháis: gidheadh do chaóin Samúel Sául: agus dob aithreach leis an TTighearna mar do rinne ſé Rígh do Shaul ós cionn Iſrael.

CAIB. xvi.

*...s Daibhidh sumraighthe chum bheith
...ní Rí. 19. Tugadh chum Saul é, agus
...le clairseach do sheinm, dfuaduigh sé
...adh an drochspiorad.*

AGus a dubhairt an Tighearna re
Samuel, Gá fad bhías tú ag dóbrón
...re Shaul, ó chuir misi ar gcúl é ó
...bheith na Righ ós cionn Israel? líon
...adharc dola, agus imthigh, cuirfidh
...mé thú chum Jesse an Betlehemíteach;
...óir do thogh mé Rígh dhamh féin a measc
a mhac.
2 Agus a dubhairt Samuel, cionnus
fhéadaimsi dul ann? má chluin Saul é,
marfidh sé mé. Agus a dubhairt an
Tighearna, beir colpach leachd, agus a-
bair, tháinic mé do dhéanamh íodh-
bartha don Tighearna.
3 Agus goir Jesse chum na híodhbar-
tha, agus taisbéanfuidh misi dhuit créd
dhéanas tú, agus ungfaidh tú dhamhsa an
té ainmneochus mé dhuit.
4 Agus do rinne Samuel gach ní da
...dubhairt an Tighearna, agus tháinic se
go Betlehem, agus do chriothnuighea-
dar seanóir an bhaile re na theachd,
agus a dubhradar, An go síothchánta
thig thusa?
5 Agus a dubhairt seision, is go
síothchánta: tháinic mé díodhbairt
don Tighearna: náomhuidh sibh féin,
agus tigidh liom chum na híodhbar-
tha. Agus do náomhuigh sé Jesse, agus
a mhic, agus do ghoir íad chum na
híodhbartha.
6 Agus tárla a nuáir thangadar, gur
fheach sé ar Eliab, agus a dubhairt,
a deimhin go bhfuil ungthach an Ti-
ghearna a lathair.
7 Agus a dubhairt an Tighearna re
Samuel, Ná féach ar a ghnúis no ar
áirde a phearsann, do chionn gur dhíult
misi é: óir ní fhaiceann an Tighearna
mar do chí duine; óir do chí an duine
an ní bhías a bhfiaghnuise a shúl, achd
do chí an Tighearna an croidhe.
8 Ann sin do ghoir Jesse Abinadab,
agus thug air gabháil tháiris a lathair
Shamuel: agus a dubhairt sé, ní hé so
fós do thogh an Tighearna.
9 Ann sin thug Jesse ar Shammah
gabháil tháiris: agus a dubhairt seision,
ní hé so fós do thogh an Tighearna.
10 A rís thug Jesse air mhóirsheisear
dá mhacaibh gabháil thar Shamuil: agus
a dubhairt Samuel re Jesse, níor thogh
an Tighearna íadso.
11 Agus a dubhairt Samuel re Jes-
se, an bhfuilid do chlann uile annso?
agus do fhreagair seision, atá fós an
mac as óige gan a bheith ann, agus
féuch atá sé ag coimhéad na gcao-
rach; agus a dubhairt Samuel re Jes-
se, cuir fios air, agus tabhair leachd
é: óir ní shuighfeam síos nó go ttí sé
annso.
12 Agus do chuir sé fios air agus
thug a steach é: bá dearg agus scia-
mhach a ndeilbh é maille re bréadhachd
súl: agus a dubhairt an Tighearna, Éirigh
agus ungaidh é: óir a se so eision.
13 Ann sin do ghlac Samuel a na-
dharc ola, agus do ungaidh eision a
lár a dhearbhráithreach, & thainic spio-
rad an Tighearna ar Dháibhi ón ló sin
amach; ann sin déirigh Samuel súas,
agus do chuaidh go Ramah.
14 Ach do chuaidh spiorad an Ti-
ghearna ó Shaul, agus do bhuáidhir
droichspiorad ón Ttighearna é.
15 Agus a dubhradar muintir Shauil
ris, feuch annois atá droichspiorad ó
Dhía dot bhuáidhreadh.
16 Abradh ar Ttighearna annois re
na sherbhíseachaibh atá dha lathair,
duine iarruidh, noch sheinnios go gasda
ar chláirsigh: & is amhluidh bhías a nuair
thiocfas an droichspiorad ó Dhía ort,
go seinnfidh seision le na láimh, agus
go mbía tusa go maith.
17 Agus a dubhairt Saul re na sheir-
bhíseachaibh, faghaidh dhamh annois
duine fhéadas seinm go maith, agus tu-
gaidh chugam é.
18 Ann sin do fhreagair aon do na
serbhíseachaibh, agus a dubhairt, féuch do
chonnairc misi mac do Jesse an Betle-
hemíteach, noch atá eólgach a seinm,
& na dhuine ro láidir ghaisgeamhuil, &
na fhear cogaidh, & glic a ccúisibh, &
na fhear sgiamhach, agus atá an Ti-
ghearna maille ris.
19 Uime sin do chuir Saul teachda
go Jesse, agus a dubhairt, cuir chugam
Dáibhi do mhac, noch atá ag an
ttréad.
20 Agus do ghlac Jesse assal fá úa-
lach aráin agus buidéul fíona, agus
meannán, agus do chuir le na mhac
Dáibhi íad chum Sauil.
21 Agus tháinic Daibhi go Saul, &
do sheas dá lathair, & do bhí grádh
mór aige air, agus do bhí na fhear iom-
chartha a airm aige.
22 Agus do chuir Saul fios chum Jesse
ga rádh, guidhim thú, léig do Dháibhi
seasamh am lathairsi; óir fuáir se fa-
bhar am radharc.
23 Agus tárla a nuáir tháinic an droich-
spiorad ó Dhía ar Shaul, gur ghlac
Dáibhi cláirseach, agus gur sheinn le na
láimh: ionndus go bhfúair Saul cabhair,
agus go raibh go maith, & dimthigh an
droichspiorad uadh.

CAIB. XVII.

*Do bhuadhuigh dáibhi ar Goliab. 55. Agus
tug Saul aire dhó.*

ANois do chruinnigheadar na Phi-
listínigh a slúagh a ccéann a
chéile

chéile chum catha, agus do cruinnigheadar iad féin a bhfochair a chéile a Sócoh, noch is le Judah, agus do champuigheadar eidir Shócoh, agus Haſécah an Ephes-dammim.

2 Agus do chruinnigh Saul, agus muintir Iſrael a bhfochair a chéile, agus do champuigheadar láimh re gleann Elah, agus do chuireadar an cath a nórdughadh a naghaidh na Bhphiliſtineach.

3 Agus do ſheaſadar na Philiſtinigh ar ſliabh a ttaobh, agus do ſheas Iſrael ar ſhliabh don táobh eile: agus do bhí gleann eatarra.

4 Agus do chuáidh gaiſgidheach amach as campa na Bhphiliſtineach, dar bhainm Goliah ó Ghát, ann a raibh ſé cubhaid agus réiſe ar áirde.

5 Agus do bhí ceinbheirt phráis ar a cheann, agus do bhí éidighthe lé lúirigh: agus do chomthromuidh an lúireach cúig mhile Secel phráis.

6 Agus do bhádar aſſain phráis ar a luirgnibh, agus góirſéad práis eidir a ghuaillibh.

7 Agus ba coſmhail crann a ghath re garmain fígheadóra agus do chomhthromuidh ceann a ghath ſé chéad Secel íarruinn; agus óglach ag iomchar a ſcéithe ag gabháil roimhe.

8 Agus do ſheas ſé, agus dfúagair ar ſhlúaghaibh Iſrael, agus a dubhairt ríu, cred fá ttangabhair amach do chur bhur gcatha na ſhaidhe? nach Philiſtineach miſi, agus nach ſearbhf hoghantuighe do Shaul ſibhſi? toghaidhſi duine dhaóibh féin, agus tigeadh ſé a núas chugamſa.

9 Má bhíonn do neart ann troid rimſa, agus go muirſidh ſé mé, ann ſin béimne ar ſearbhfhoghantuibh aguibhſi: ach má bhuáidhimſi na aghaidhſion, agus go muirſe mé é, ann ſin beithiſe bhur ſearbhfhoghantaibh aguinne, agus do dhéantaoi ſerbhis dúinn.

10 Agus a dubhairt an Philiſtineach, beirimſe dubhſhlán ſhlóigh Iſrael ſúm a niugh: cuirdis chugam duine go ttroidmís ré chéile.

11 A núair do chúala Saul, agus Iſrael uile na briathra ſin an Philiſtinigh, do bhádur uile a néagcruth, agus lán deagla.

12 Annois Dáibhi, bá mac é don Nephrátiteachſin ó Bhetlehem- Judah, dar bhainm Jeſſe, agus do bhádar ochdar mac aige: agus do bhí an tóglach mar dhuine ſhoirſe a meaſg na ndaóine a láethibh Shauil:

13 Agus do imthigheadar an triur mac fá ſine ag Jeſſe, agus do leanadar Saul chum an chatha: agus do bíad anmanna an triair mac do chuáidh chum an chatha, Eliab an mac fá ſine, agus na dhiáigh ſin Abinadab, agus an treas mac Sammah.

14 Agus do bé Dáibhi an mac do óige, agus do leanadar an triur fa ſine Saul.

15 Ach dimthigh dáibhi, agus dfill ó Shaul do choimhéad cáorach a athar a Mbet-lehem.

16 Agus do thigeadh an Philiſtineach a ngar, maidin agus tráthnóna, agus do thaiſbheanadh é féin ar feadh cheathrachad lá.

17 Agus a dubhairt Jeſſe ré Dáibhi a mhac, Glac a nois chum do dhearbhráithreach Ephah don ghrán dóite ſi, agus na deich mbuilínſi, agus rioth don champa chum do dhearbhráithreach.

18 Agus beir na deich gcáiſe ſi chum caiptín a míleſion, agus féach cionnas ataid do dhearbhráithre, agus glac a ngeall.

19 Annois do bhí Saul, agus íadſan, agus fir Iſrael uile a ngleann Elah, ag troid ris na Philiſtinibh.

20 Agus do éirigh Dáibhi ſúas go moch ar maidin, agus dfág na cáoirigh ag coimheáduigh, agus rug leis, agus dimthigh mar a dubhairt Jeſſe ris; agus tháinic ſé chum an trinnſi, a núair do bhí an ſlúagh ag dul amach do throid, agus do ghaireadar chum an chatha.

21 Oir do chuireadar Iſrael, agus na Philiſtinigh íad féin a nórdughadh catha, ſlúagh a naghaidh ſlóigh.

22 Agus dfág Dáibhi a charáiſte a láimh coimheáduigh an charáiſte, agus do rioth ſan tſluágh, agus tháinic, agus do bheannuigh ſé dá dhearbhraithribh.

23 Agus ſan nam a raibh ag comhrádh riú, féach tháinic ſúas an gaiſgidheach (an Philiſtineach ó Ghát dar bhainm Goliah) amach as ſluagh na Bhphiliſtineach, agus do labhair do réir na mbríathar gcéadna: agus do chúalaidh Dáibhi iad.

24 Agus a núair do chonncadar pobal Iſrael uile é, do theitheadar roimhe agus do bhádar lán deagla.

25 Agus a dubhradar muintir Iſrael, An bhfacabhair an té ſo tháinic ſuas? go deimhin is do thabhairt maſla Diſrael tháinic ſé ſúas: agus is amhluidh bhias, gidh bé duine mharbhos é, go ndéana an Rígh ſaidhbhir é le hiomad máoine, agus go ttiubhra a inghean dó, agus go ndéana tigh a athar ſaor a Niſrael:

26 Agus do labhair Dáibhi ris na dáoinibh, do ſheas láimh ris, ghá rádh, cred do dhéantar ris an té mharbhus an Philiſtineachſa, agus thóigſeas a mhiochlú do Iſrael? óir cía bé an Philiſtineach nemhthimchillghearrthaſa, aſa ngreimnochadh ſé ſluagh Dé bhí?

27 Agus do fhreagradar na dáoine é ar an modhſo, gha rádh, Is mar ſúd do dhéantar ris an té mharbhas é.

28 Agus do chúala Eliab a dhearbhrathair ba ſine a núair do labhair ſé ris na

...n daóinibh ; agus do las fearg Eliab a
...aghaidh Dháibhi, agus a dubhairt, Cred
...a ttainic tuſa a nuas annſo? agus
...ta ag ar fhág tú an beagan cáorach ſin
...ſa bhfáſach ? atá fios húabhair
agamſa, agus urchoíde h'inntinne : óir
tháinic tú a nuas, chum go bhfaicſeá
an cath.
29 Agus a dubhairt Dáibhi, Cred do
rinne mé a nois? Ané nach raibh
...thuidhe agam?
30 Agus do fhill ſé úadh go duine
...le, agus a dubhairt ar an modh ccéad-
na : agus do fhreagradar cách é do
réir an chéadmhodha.
31 Agus a núair do chlos na bhriá-
thra ſin do labhair Dáibhi, do innisiodar
iad a lathair Shauil : agus do chuir ſé
fios air.
32 Agus a dubhairt Dáibhi re Saul, Ná
...ighthear croidhe éanduine roimhe,
...aidh do ſhearbhfhoghantuigh, agus
troidfidh ſé ris an Bhphiliſtineachſo.
33 Agus a dubhairt Saul re Dáibhi,
Ni bhfuil ionnad achd ógánach, agus ei-
ſ... na fhear coguidh ó na aóis óig.
34 Agus a dubhairt Dáibhi re Saul,
Do bhí do ſherbhíſeach a mbun chaorach
a athar, agus tháinic leomhan, agus
mathghamhuin, agus rugadar úan as an
tréud :
35 Agus do chuaidh miſi amach na
dhiaigh, agus do bhuáilios é, agus do
bhean mé as a bhéul é : agus a nuair
do éirigh ſé am aghaidh, rug me ar
fhéaſóig air, agus do bhuáilios agus do
mharbhas é.
36 Do mharbh do ſhearbhfhoghantuigh
an leomhan agus an mathghamhuin : a-
gus biáidh an Philiſtineach neimhthim-
chillghearrthaſa mar áon aca, ó thug ſé
dúbhshlán ſhlóigh Dé bhí.
37 A dubhairt Dáibhi fós, an Tigh-
earna do ſháor miſi ó crodh an leomhuin
agus ó chrodh an mhathghamhuin, ſáor-
faidh ſé as láimh an Philiſtinighſi mé.
Agus a dubhairt Saul re Dáibhi, Eirigh,
agus go raibh an Tighearna maille
leachd.
38 Agus do éidigh Saul Dáibhi
le na arm féin, agus do chuir ſé clo-
gad phráis air a cheann, agus do
éidigh ſé é mar an gcéadna le lúi-
righ.
39 Agus do ghabh Dáibhi a chloi-
dheamh ar uachdar a éidigh, agus do
thionnſgain ſé ſiubhal, óir níor chleachd
ſé é : agus a dubhairt Dáibhi re Saul,
ní fhéadaimſi ſiubhal iontaſo : óir níor
chleacht mé iad, agus do chuir Dáibhi
dhe iad.
40 Agus do ghlac ſé a bhata iona
láimh, agus do thogh dhó féin cúig
clocha bhláithe as a nabhuinn, agus do
chuir iad a mála áodhaire, noch do bhí
aige, eadhon a ttiáich : agus do bhí a
chrann tábhuill na láimh, & do ghluáis
ſé a raibh an Philiſtineach.
41 Agus tháinic an Philiſtineach ar
aghaidh, agus do dhruid a bhfogus do
Dhaibhi, agus do chuáidh an té do bhí
ag iomchar a ſcéithe roimhe.
42 Agus anuair dféach an Philiſtineach
timchioll, agus do chonnairc ſé Dáibhi,
do tharcuiſnigh ſé é ; óir ní raibh
achd óg, agus é dearg, agus dealbh
ſgíamhach air.
43 Agus a dubhairt an Philiſtineach
re Dáibhi, an madradh miſi, as a ttig
tú chugam re batadhuibh? agus do
mhalluigh an Philiſtineach Dáibhi lé na
dheeibh.
44 Agus a dubhairt an Philiſtineach
re Dáibhi, Tárr chugamſa, agus do
bhéara mé thfeóil déanlaith a naiéir &
dainmhintibh an mhachaire.
45 Ann ſin a dubhairt Dáibhi ris an
Bhpiliſtineach, Thig tuſa chugamſa le
cloidheamh, agus le gath, & lé ſgéith ;
achd tigimſi chugadſa a nainm Thigh-
earna na ſlógh, Día ſhluaigh na Niſrae-
liteach, noch do ghreannuigh tuſa.
46 A niugh bhéaras án Tighearna thu-
ſa am láimhſi, agus buáilfidh mé thú,
agus beanfaidh mé do cheann díot, & do
bhéara me conablacha ſhluáigh na Bhphi-
liſtíneach déanlaithibh a naieir, agus do
bheathachaibh allta an mhachaire ; chor
go mbia a fhios ag an domhan uile, go
bhfuil Día a Niſrael.
47 Agus biáidh a fhios ag an ccomh-
chruinniughadh ſo uile, nach lé gath, nó
lé cloidheamh ſháorus Día : (óir is leis
an Tighearna an cath,) agus do bhéara
ſé ſibhſi ann ar lámhuibhne.
48 Agus tárla a nuáir do éirigh an
Philiſtineach, agus tháinic, agus do
dhruid a bhfogus do theagmháil ré Dái-
bhi, go ndéarna Dáibhi deithnios, agus
gur rioth gus an tſluagh do theagmháil
ris an Bhphiliſtineach.
49 Agus do chuir Dáibhi a lámh iona
mhála, agus thug cloch as, agus do
chaith i as a chranntábaill, agus do
bhuáil an Philiſtineach iona éadan, ion-
dus go ndeachaidh an chloch iona
éadan ; agus do thuit ſé ar aghaidh
chum na talmhan.
50 Mar ſin do bhúadhuigh Dáibhi
ar an Bhphiliſtineach lé crann tábhuill
agus lé cloich, agus do bhuáil ſé
an Philiſtineach, agus do mharbh ſé
é : achd ní raibh cloidheamh ar bith a
láimh Dháibhi.
51 Uime ſin do rith Dáibhi, agus do
ſheas ſúas ar an Bhphiliſtineach, agus
do ghlac a chloidheamh, agus do
tharruing amach as a dhúbla é, agus do
mharbh an Philiſtineach, agus do bhain
a cheann de, leis : agus a nuair do
chonncadar na Philiſtinigh go raibh a
ngaiſgidheach marbh, do theitheadar.
52 Agus do éirgheadar muintir
Iſrael, agus muintir Júdah, agus do
ghaireadar agus do leanadar na Philiſ-
tinigh nó go ttí tú go gleann agus

go geataigh Ecron: agus an luchd do loiteadh do na Philistinibh do thuiteadar síos annsa tslighe go Saaraim go nuige Gât, agus go nuige Ecron.

53 Agus do fhilleadar clann Israel ó thóruigheachd na Bhphilistineach, agus do chreachadar a lóistinighe.

54 Agus do ghlac Dáibhi ceann an Philistinigh, agus thug leis go Hierusalem é: achd do chuir se a arm iona lóistín.

55 Agus a nuair do chonnairc Saul Dáibhi ag dul amach a naghaidh an Philistinigh, a dubhairt sé ré Habner caiptín an tslóigh, Abner, cía dhar mac an tóganachsa? agus a dubhairt Abner, mar mhairios hanum, a Rígh, ní fheidir misi sin.

56 Agus a dubhairt an Rígh, fiafruigh thusa cia dhar mac an tógánach sa?

57 Agus iar bhfilleadh do Dháibhi ó mharbhadh an Philistinigh, do ghlac Abner é, agus thug leis é a lathair Shauil maille re ceann an Philistinigh na láimh.

58 Agus a dubhairt Saul ris, cía dhar mac thusa a ógánuigh? agus do fhreagair Dáibhi é, agus a dubhairt, as misi mac do sherbhfhigh Jesse an Betlehemiteach.

CAIB. XVIII.

Ceangal Jonatan re Dáibhi. 8 Ach do ghabh tnú agus míorun Saul, uime.

AGus tárla a nuáir do chuir sé deireadh ar labhairt ré Saul, gur chóimhcheangail anum Jonathan re hanum Dháibhi, agus do ghrádhuigh Jonathan é mar a anum féin.

2 Agus do ghlac Saul chuige é an lásin, agus níor léig dhó dul níos mó go tigh a athar.

3 Ann sin do rinne Jonathan agus Dáibhi cunnradh, do chionn gur bhionmhuin leis é mar a anum féin.

4 Agus do bhean Jonatan an róba do bhí uime féin de, & thug do Dháibhi é, agus a chulaidh go nuige a chloidheamh, agus a bhogha, agus a chrios.

5 Agus do thiagh Dáibhi amach gidh bé ball a gcuireadh Saul é, agus do iomchair é féin go glic: agus do chuir Saul ós cionn a luchd cogaidh e, agus do bhí sé taitneamhach a radharc gach uile dhuine; agus mar an gcéadna a radharc sherbhíseach Shauil.

6 Agus tárla mar do thangadar, a nuáir de fhill Daibhi ó mharbhadh an Philistinigh, go ttangadar na mná amach as uile chaithreachaibh Israel, ag seinm agus ag damhsa a ccoinne an Rígh Saul re tiompánuibh, re gáirdeachus, agus re hadhbhaghuibh ceóil.

7 Agus do fhreagradar na mná a cheile mar do bhádar ag seinm, agus a dubhradar, Do mharbh Saul a mhíle, agus Dáibhi a dheich milte.

8 Agus do bhí Saul ro fheargach, agus do ghoill an cháintsin air go mór, agus a dubhairt sé, Do chuireadar deich milte a leith Dháibhi, agus níor chuireadar am leithsi achd milte: agus cred dob áill léis dfagháil níos mó achd an Ríoghachd?

9 Agus do bhí súil Shauil ar Dháibhi ón lásin amach.

10 Agus tárla ar na mhárach go ttáinic an droichspiorad ó Dhía ar Shaul, agus do rinne sé fáidheadóireachd a lár an tighe: agus do sheinn Dáibhi le na láimh mar uáiribh oile; agus do bhí bunnsach a láimh Shauil.

11 Agus do chaith Saul an bhunnsach; óir a dubhairt sé, búailfe mé Daibhi thríd go nuige an balla: agus do chuaidh Dáibhi fá dhó as a radharc.

12 Agus do bhí eagla ar Shaul roimhe Dháibhi, do chionn go raibh an Tighearna maille ris, agus gur imthigh sé ó Shaul.

13 Ar a nadhbharsin do áthraigh Saul uadha é, agus do rinne sé a chaiptín ós cionn mhíle dhe; agus do téigheadh sé amach, agus do thigeadh sé a steach roimhe an bpobal.

14 Agus do iomchair Dáibhi e féin go glic iona shlighthibh uile, agus do bhí an Tighearna maille ris.

15 Uime sin a nuair do chonnairc Saul gur iomchair sé é féin go ró ghlic, do bhí eagla aige roimhe.

16 Ach do ghrádhaigh Israel agus Júdah uile Dáibhi, do chionn go ttéigheadh sé amach, agus go ttigeadh a steach rompa.

17 Agus a dubhairt Saul re Dáibhi, féach minghean is sine Merab do bhéara mé dhuit í na mnaói; achd amháin bí cródha ar mo shon, agus troid catha an Tighearna: óir a dubhairt Saul, ná beanadh mo lámhsa ris, achd biodh lámh na Bhphilistíneach air.

18 Agus a dubhairt Dáibhi re Saul, cia misi? agus cred mo bheatha, nó muintir mathar a Nisrael, as a mbéinn am chlíamhuin ag an Rígh?

19 Achd tárla a nuáir fa ttiubharthaoi Merab inghean Shauil do Dháibhi, gur tugadh í do Adriel an Meholatiteach na mnaói.

20 Agus do ghrádhuigh Michal inghean Shauil, Dáibhi, agus do innsiodar sin do Shaul, agus do thaitin an ní sin ris.

21 Agus a dubhairt Saul, do bhéara mé dhó í, chor go mbia sí na líon dó, agus go mbéid lámha na Bhpilistíneach na aghaidh: uime sin a dubhairt Saul re Dáibhi, biáidh tú a niugh ad chlíamhuin agam a cceachdar don dís.

22 Agus

22 Agus do aithin Saul dá shearbhfo-
ghantaibh dhá rádh, labhruidh ré Dáibhi
go sécréideach, agus abruidh, féach, a-
tá dúil ag an Rígh ionnad, agus grádh-
uighidh a sherbhisigh uile thú: anois
ar a nadhbharsin bí ad chliamhuin ag
an Rígh.
23 Agus do labhradar searbhfho-
ghantuighe Shauil na bríathrasin a ccl-
uasaibh Dháibhi: agus a dubhairt Dáibhi,
an sóiltise gur ní súarrach bheith a
gcliamhnus Rígh, do bhrígh nach bhfui-
limsi achd am dhuine bhochd, agus fa
mheas éattrom?
24 Agus do innisiodar searbhfhoghan-
tuighe Shauil dó, gha rádh, ar an modh-
so do labhair Dáibhi?
25 Agus a dubhairt Saul, mar so
déarthaoi ré Dáibhi, ní bhfuil an Rígh
ag iarruigh crodh ar bith, achd céad
réamhchroiceann do na Philistínibh, do
dhéanamh díoghaltais ar náimhdibh an
Rígh: achd do shaóil Saul Dáibhi chur
do thuitim le láimh na Bhphilistíneach.
26 Agus a nuair do innisiodar a shear-
bhfhoghantuighe do Dháibhi na bría-
thrasa, do thaitin re Dáibhi go maith
bheith na chlíamhuin ag an Rígh: agus
níor críochnuigheadh na láethe.
27 Ar a nadhbharsin, do imthigh
Dáibhi, é féin agus a mhuintir, agus do
mharbh sé do na Philistínibh dhá chéad
fear; agus thug Dáibhi a réamhchroicinn
leis, agus do thaisbeanadar íad go hiom-
lán don Rígh, chor go mbiath sé na
chliamhuin ag an Rígh: agus thug Saul
a inghean Michal dó na mnaói.
28 Agus do chonnairc Saul, agus do
bhí a fhios aige, an Tighearna do bheith
ré Dáibhi, agus gur grádhuigh Michal
inghean Shauil é.
29 Agus fós bá móide eagla Shauil
roimhe Dháibhi sin; agus thainic Saul
chum a bheith na námhuid ag Daibhi a
gcomhnuidhe.
30 Ann sin do chúadar prionnsuidhe
na Bhphilistíneach amach, agus tárla a
nuair do chúadar na Philistínigh amach,
gur iomchair Dáibhi é féin ní budh feárr
na searbhfhoghantuighe Shauil uile, ionnus
go raibh a ainm ro oirdheirc.

CAIB. XIX.

Do bhrath Saul Dáibhi a mharbhadh. 18.
theich Dáibhi.

AGus do labhair Saul re Jonatan a
mhac, agus re na sherbhíseachaibh
uile, go marbhaidís Dáibhi:
2 Ach do bhí dúil mhór ag Jo-
natan mac Shauil ann Dáibhi: agus
dinnis Jonatan do Dháibhi, gá rádh, a-
tá mathair Saul ag íarruidh do marbhtha:
a nois ar a nadhbharsin guidhim thú,
tabhair aire dhuit féin go maidin, agus
fan a náit shecréidigh, agus foluigh thú
féin.
3 Agus rachaidh misi amach, a-
gus seasfuidh mé ré taóibh mathar ann-
sa machaire mar a mbía tusa, agus
laibheoruidh mé rem athair dot thaobh-
sa; agus gidh bé ní chífeas mé, inneosa
mé dhuitse é.
4 Agus do labhair Jonatan go maith
ar Dháibhi re na athair, agus á dubhairt
ris, ná peacuigheadh an Rígh a naghaidh
a shearbhfhoghantuighe, a naghaidh
Dháibhi: do bhrígh nach déarna seision
coir ad agaidhsi, agus do bhrígh gur ro
mhaith a oibreacha ar do shon.
5 Oir do chuir sé a anum iona
láimh, agus do mharbh sé an Philis-
tíneach, agus do oibrigh an Tighearna
tárthail mhór ar Israel uile: do chon-
nairc tusa é, agus do bhí luathghaire
ort: ar a nadhbhar sin cred fá ndéanta
peacadh, a naghaidh fola neimhchion-
tuighe, Dáibhi mharbhadh gan chúis?
6 Agus thug Saul aonta do ghlór
Jonatan, agus thug Saul a mhionna,
mar mhairios an Tighearna, ní muir-
fighear é.
7 Agus do ghoir Jonatan ar dháibhi,
agus do thaisbéin Jonatan na neithesi
uile dhó, agús thug Jonatan Daibhi chum
Sauil, agus do bhí dhá lathair mar na
huáiribh roimhe.
8 Agus do bhí cogadh ann a rís,
agus do chuáidh Dáibhi amach, agus do
throid sé ris na Philistínibh, agus do
mharbh sé íad, maille re hár mór, agus
do theitheadar roimhe.
9 Agus do bhí droichspiorad ón Ti-
ghearna ar Shaul, ar mbeith dhó na
shuidhe ann a thigh féin, agus bonnsach
iona laimh, agus Dáibhi ag seinm lé
na láimh.
10 Agus díarr Saul Dáibhi do bhúa-
ladh go nuige an balla leis an mbonn-
suigh; achd ag sceinneadh dhósan as
lathair Shauil, do bhuáil sé an bhonnsach
annsa bhalla; agus do theith Dáibhi,
agus do chuáidh as, a noidhche sin.
11 Do chuir Saul mar an gcéadna
teachda go tigh Dháibhi dhá fhaire, &
dá mharbhadh ar maidin: agus dinnis
Michal bean Dháibhi dhó é, gha rádh,
muna gcoimhéaduigh tú thú féin a nochd
muirfighear thú a márach.
12 Mar sin do léig Michal Dáibhi
síos thríd an bhfuinneóig, agus dim-
thigh sé, agus do theith sé, agus do
chuáidh as.
13 Agus do ghlac Michal íomh-
áigh, agus do chuir annsa leabuidh é, a-
gus do chuir piliur dfionnadh gabhar
mar cheannadhairt faói, agus do fho-
luigh lé héadach é.
14 Agus a nuáir do chuir Saul teachda
do ghabháil Dháibhi, a dubhairt sisi, atá
sé tinn.

15 Agus

15 Agus do chuir Saul na teachda
uadh a rís dféachuin Dháibhi, gha rádh,
tugaidh a níos chugamsa é ansa leabuidh,
go marbhuinn é.
16 Agus a nuair thangadar na tea-
chda a steach, féach do bhí íomhaigh
annsa leabuigh, agus pilíur dfionnadh
gabhar mar cheannadhairt aige.
17 Agus a dubhairt Saul re Michal,
Cred fár mheall tú marso mé? agus
ar chuir tú mo namhuid ar siubhal
ler imthigh se as? agus do fhreagair
Michal Saul, a dubhairt sé riom, léig
dhamh imtheachd; cred as a muirfinnsi
thú?
18 Mar sin do theith Dáibhi, agus
do chuáidh as, agus tháinic go Samuel
go Rámah, agus dinnis dó gach a
ndéarna Saul ris: agus dimthigh sé
féin agus Samuel, agus do chomnuigh-
eadar a Naiot.
19 Agus do hinnseadh do Shaul,
gá rádh; feúch atá Dáibhi a Náiot ann
Rámah.
20 Agus do chuir Saul teachda do
ghabháil Dáibhi: agus a nuáir do chonn-
cadar comhchruinniughadh na bhfáigh-
eadh ag fáigheadóireachd, agus Samuel
na sheasamh na uáchdarán ós a gcionn,
do bhí spiorad Dé ar theachduibh Shaul,
& do rinneadarsan fós fáigheadóireachd.
21 Agus a núair do hinnseadh sin
do Shaul, do chuir sé teachda eile uadh,
agus rinneadarsan fáigheadóireachd mar
an gcéadna: agus do chuir Saul teachda
uadh a rís an treas úair, agus do rin-
neadarsan fós fáigheadóireachd.
22 Ann sin do chúaidh sé féin mar
an gcéadna go Rámah, agus tháinic
sé go tobar mór atá ann Sechu: agus
dfiafruigh sé, agus a dubhairt, cá háit
a bhfuil Samuel agus Dáibhi? agus a
dubhairt áon, féach atáid a Naiot ann
Rámah.
23 Agus do chuáidh seision ann sin
go Naiot ann Rámah, agus do bhí
spiorad Dé airsion fós, agus do ghluais
roimhe, agus do thairghir sé nó go ttáinic
go Naiot ann Rámah:
24 Agus fós do theilg a éadach dhe,
agus do thairghir a lathair Shamuel
ar an modh gcéadna, agus do luigh
síos nochduigh ar feadh an láesin, agus
ar feadh na hoidhche: uime sin a
deirid siad, An bhfuil Saul fós a measc
na bhfáigheadh?

CAIB. XX.

Cinéul Dhaibbi & Jonathan ar na dhaingiughadh. 35 Agus ar na dhearbhadh.

AGus do theith Dáibhi ó Naioth ann
Rámah, agus a dubhairt sé a la-
thair Jonatan, cred do rinne me? cred
í mo choir? agus cread é mo pheacadh
a bhfiaghnuise hathair, as a bhfuil sé
íarruigh mo bháis?
2 Agus a dubhairt seision ris, ná
léigidh Día, ní muirfighear thú: féach
ní dhéana mathair éinní beag ná mór,
nach inneosaidh sé dhamhsa, agus créd
fa gceilfeadh mathair an ní so orum?
ní marsin atá.
3 Agus thug Dáibhi a mhionna fós,
agus a dubhairt, atá a fhios ag hathair
go deimhin go bhfuair misi grása ann
do radharcsa; agus a dubhairt seision,
ná bíodh a fhios so ag Ionatan, deagh
go ngoillfeadh sé air; achd go deimhin
mar mhairios an Tighearna, agus mar
mhairios hanumsa, ní bhfuil achd coi-
céim eadram agus bás.
4 Ann sin a dubhairt Jonatan ré Dái-
bhi, gidh bé ní íarrus do mheanma, do
dhéana misi é ar do shon.
5 Agus a dubhairt Dáibhi re Jona-
tan, féach a márach atá an Ré núadh,
agus níor chóir dhamhsa failligh dhéa-
namh gan suidhe a bhfochair an Righ
ag bíadh: acht léig dhamh imtheachd
go bhfolchaidh mé mé féin ann sna mach-
airibh nó go ttí tráth nóna an treas lá.
6 Má chrothnuigheann hathair ar éan-
chor mé, abairsi annsin, díarr Dáibhi
go dithchíollach cead orumsa, go ndea-
chadh sé na rioth go Bet-lehem, a cha-
thair féin: óir atá íodhbairt bhliadh-
namhuil ann sin don mhuinntir uile.
7 Má deir seision marso; As maith
sin; do gheabha do shearbhfhoghan-
tuigh siothcháin: achd má bhíonn sé lan
dfheirg, bíadh a dheimhin agad gur
cinneadh olc leis.
8 Ar a nadhbharsin do gheabhthar go
maith ar do sheirbhíseach thú: óir thug
tú do sherbhíseach do dhéanamh con-
nartha riot ann sa Tighearna: gidheadh
matá olc ionnamsa, marbh féin mé;
cred fá mbéartá chum hathar mé?
9 Agus a dubhairt Jonatan, Go madh
fada úaitsi sin: óir dá mbeith a fhios
agamsa go dearbhtha go mbíadh olc dá
thionnscnamh chugad óm athair, a né
nach inneosuinn duit é?
10 Ann sin a dubhairt Dáibhi re Io-
natan, Cía inneosas damh má fhreagram
hathair thú go borb?
11 Agus a dubhairt Ionatan re Dáibhi,
tárr, agus déanam amach fan ma-
chaire: agus do chuádar aráon amach
fan machaire.
12 Agus a dubhairt Ionatan re Dái-
bhi, O a Thighearna a Dhé Israel, a
nuair spionsus misi mathair timchioll a
nannasa márach; nó an treas lá, agus
féuch má bhíonn maith a ttaobh Dhái-
bhi, agus nach ccuirse misi scéula ann-
sin chugadsa, agus nach inneosa mé
dhuit é;
13 Go ndéarna an Tighearna mar sin,
agus mios romhó re Ionatan: achd más
í bhus toil dom athair olc do dhéanamh
dhuit, ansin foillseocha mé dhuit é,
agus

... cuirse mé ar siubhal thú, lé a
...theocha tú a síothcáin : agus go raibh
an Tighearna maille leachd, mar do bhí
re mathairse.
14 Agus ní hé amháin an feadh bhiás
mé fós beó, dhéanas tú cinéul an Tigh-
earna dfoillsiughadh dhamh, chor nach
bhfuighe mé bás.
15 Acht mar an gcéadna ní ghearrfa
amach do chinéul óm thigh go bráth :
...dhéanáir, ná fós a nuair ghéarrfas an
Tighearna naimhde Dháibhi amach,gach
...aca ó aghaidh na talmhan.
16 Mar sin do rinne Jonatan eachd re
tigh Dháibhi, dha rádh, Go nagraidh an
Tighearna é as láimh námhad Dháibhi.
17 Agus thug Jonatan ar Dháibhi
...ughadh a rís, do bhrígh gur
ghrádhuigh sé é ; óir do ghrádhuigh sei-
sin é mar do ghrádhuigh sé a anum
féin.
18 Ann sin a dubhairt Jonatan re
Dáibhi, a márach atá an ghealach núadh,
...crosfuighear thusa do bhrígh háite
do bheith folamh.
19 Agus a nuair fhanfas tú trí lá,
...rachaidh tú síos go lúath, agus
...tú gus a naít ionar fholuigh tú
thú féin a nuair do bhí an chúis ar si-
...agus do dhéana tú comhnuighe ag
a chloich Esel.
20 Agus caithse misi trí saighde re na
...sin, mar do chaithfinn re comh-
...iad:
21 Agus féach, cuirfe mé búachaill,
...rádh, éirigh, fagh na saighde : má
...go soilleir ris an mbuachaill, féuch
...na saighde don táobhso dhíot, ann-
...: óir biáidh síothcháin duit,
...bhía dochar ar bith, mar mhaireas
an Tighearna.
22 Ach má deirim marso ris a nógá-
nach, féuch atáid na saighde romhad ;
imthighse romhad ; óir is é an Tighear-
na do chuir ar siubhal thú.
23 Agus a ttaobh na cúise do labhair
mé agus tu féin, féuch bíodh an Tigh-
earna dfúaghain eidir tusa agus misi go
bráth.
24 Mar sin dfoluidh Dáibhi é féin
annsa machaire : agus a nuair thainic an
ghealach núadh, do shuidh an Rígh síos
...bídh.
25 Agus do shuigh an Rígh jona
chathaóir mar gach uáir oile, eadhon a
ccathaoir laímh ris an mballa : agus do
shuidh Abner ar ghúaluinn Shauil, agus
do bhí áit Dháibhi folamh.
26 Gidheadh níor labhair Saul éanfho-
cal an lá sin : óir do smuáin sé aige féin
gur imthigh ní éigin air, ní bhfuil sé
glan ; is deimhin nach bhfuil sé glan.
27 Agus tárla ar na mhárach, noch do
bé an dara lá don mhí, go raibh aít
Dháibhi folamh : agus a dubhairt Saul
re na mhac Jonatan, cred fá nach dtái-
nic mac Jesse chum bídh a né nó a
niugh ?

28 Agus do fhreagair Jonatan, Saul ;
Díarr Dáibhi cead orumsa go práidhin-
neach dul go Bet-lehem.
29 Agus a dubhairt sé, guidhim thú,
léig dhamh imtheachd : óir atá
iodhbairt ag ar muintir annsa cha-
thruigh, agus do aithin mo dhearbhra-
thair dhíomsa [bheith annsin ;] agus
annois má fuáir mé fabhar ann do
radharc, guidhim thú, léig dhamh im-
theachd go bhfaicidh mé mo dhear-
bhráithre, uime sin nach dtig se chum
buird an Rígh.
30 Ann sin do las fearg Shauil a
naghaidh Jonatan, agus a dubhairt
ris, Thusa a mhic na mná crosta cog-
thuighe, nach bhfuil a fhios agamsa
gur thogh tú mac Jesse chum do mhilte
féin, agus chum náire thárnochd do
mhathar.
31 Oir an feadh mhairfeas mac Jesse
ar talumh, ní daingneochar thusa nó do
ríoghachd : anois uime sin cuir fios air,
agus tabhair chugamsa é : óir go deimhin
caithfidh sé bás dfulang.
32 Agus do fhreagair Jonatan Saul
a athair, agus a dubhairt ris, Cred an
fáth as a muirfidh é ? cred do rinne
sé ?
33 Agus do chaith Saul bonnsach
ris dá bhúaladh ; as ar aithin Jona-
tan gur chinnidh a athair Dáibhi do
mharbhadh.
34 Mar sin déirigh Jonatan ón bhord
a bhfeirg dheanochduigh, águs níor ith
sé bíadh an dara lá don mhí : óir do bhí
doilghios air fá Dháibhi, do chionn go
ndearna a athair ní nár air.
35 Agus tárla ar maidin go ndéa-
chaidh Jonatan amach san machaire, a
nam a ndearnadh coinne re Dáibhi, agus
búachaill beag maille ris.
36 Agus a dubhairt sé re na bhúa-
chaill, rioth a nois, fagh dhamh na saighde
noch chaithfios mé : agus ag rioth don
bhúachaill do chaith sé saighead thairis.
37 Agus a nuáir tháinic an buachaill
go háit na saighde, noch do chaith Jo-
natan, dfúagair Jonatan a ndiáigh an
bhúachalla, agus a dubhairt, nach bhfuil
an tsoighead romhad.
38 Agus dfúagair Jonatan a ndiáigh
an bhúachalla, déana deithnios, lúathuigh,
ná fan : agus do thóg búachuill Jonatáin
na saighde, agus tháinic go nuige a
mhaighistir.
39 Ach ní raibh fios éinneithe ag an
mbúachuill : ag Jonatan amháin, agus
ag Dáibhi do bhí fios na cúisé.
40 Agus thug Jonatan a airm dio-
bhraice dá bhuachuill, agus a dubhairt
ris, imthigh beir íad so don chath-
ruigh.
41 Agus ar ball ar imthigh an
búachuill, déirigh Dáibhi ón ttaobh ó
dheas, agus do thuit ar a aghaidh chum
na talmhan : agus do chrom sé é féin trí
huáire, agus do phógadar a chéile, agus
do

do ghuileádar le chéile ; nó gur ſhá-
ruidh Dáibhi.
42 Agus a dubhairt Jonatan re
Dáibhi, Imthigh a ſíothchain ; do bhrígh
go ttug gach nduine aguinne aráon a
mhionna a nainm an Tighearna,
gha rádh, Bíodh an Tighearna eadrum-
ſa agus tuſa, agus eidir mo ſhliochdſa
agus do ſhliochtſa go bráth. Agus
déirigh ſeiſion, agus dimthigh ſé :
agus do chuaidh Jonatan don cha-
thruigh.

CAIB. XXI.

Do ith Dáibhi an tarán taisbeanta. 10 Do leig air fein bheith ar buile, & é ná theichmheach.

AN ſin táinic Dáibhi go Nob go
Hachimelech an ſagart, agus do
bhí eagla ar Achimelech ag teagmháil
re Dáibhi, agus a dubhairt ris, Cred fá
bhfuil tú a táonar gan éanduine ad f ho-
chair ?
2 Agus a dubhairt Dáibhi re Hachi-
melech an ſagart, do aithin an Rígh
gnothuighe dhíom, agus a dubhairt ſé
ríom, Ná bíodh fios éinnithe don nadh-
bhar fá bhfuilim dot chur, agus aithni-
ghim dhíot, ag éanduine : agus do chuir
mé mo ſhearbhfhoghantuighe don náitſe,
agus don náit úd oile.
3 Annois ar a nadhbhar ſin Cred ſin
atá agad ? tabhair dhamſa cúig haráin
am láimh, nó gidh bé ní atá a lathair.
4 Agus do fhreagair an ſagart Dáibhi,
agus a dubhairt, Ní bhfuil arán coit-
cheann ar bith ſam láimh, achd atá
arán coiſreacdtha ann ; má chongmhadar
na hóganuigh iad féin ní ſa lugha dhe ó
mhnáibh.
5 Agus do fhreagair Dáibhi an ſagart,
agus a dubhairt ris, Go deimhin do cong-
mhadh mná uáinne trí lá annois ó
thánic miſi amach, agus atáid ſoithighe
no nógán glan, agus an tarán ſós
coitcheann air mhodh, dá náomhthuigh
a niugh é annſa tſoitheach.
6 Ann ſin thug an ſagart arán
coiſreacdtha dhó ; óir ní raibh arán ar
bith ann achd an tarán taiſbéanta, noch
do thógbhadh as fiaghnuiſe an Tighear-
na, do chur aráin teith annſa ló ar tóg-
bhadh as é.
7 Annois do bhí duine áirigh do
mhuintir Shauil annſin an láſin, ar na
chongmháil a lathair an Tighearna,
agus a ſé dob ainm dhó Doeg, Edo-
miteach, ceann na náodhuireadh do bhí
ag Sául.
8 Agus a dubhairt Dáibhi re Achi-
melech, Agus nach bhfuil annſo ar do
chumas gath nó cloidheamh ? óir ní
thug miſi mo chloidheamh nó marm oile
liom, do chionn nar bhfuláir deithbhir
do dhéanamh le gnothuighibh an
Rígh.
9 Agus a dubhairt an ſagart,
Cloidheamh Gholiah an Philiſtíneach
noch do mharbh tuſa a ngleann Elah,
féuch atá ſé annſo caſda a néadach taobh
ſhiar non Néphod : madh áil
leachdſa, beir leachd é : óir ní
bhfuil aithearrach annſo. Agus a dubh-
airt Dáibhi; Ní bhfuil a leitheid eile ann,
tabhair dhamh é.
10 Agus déirigh Dáibhi, agus do
theith ſé an lá ſin ar eagla Shauil, agus
do chuáidh chum Achis Rígh Gát.
11 Agus a dubhradar ſearbhfho-
ghantuighe Achis ris, nach é ſo Dáibhí
Rígh na críche? nach dubhradar abhráin
ó bhéul go beul dó, gha rádh, Do mharbh
Saul a mhílte, agus Dáibhi a dheich
mílte ?
12 Agus do thaiſgidh Dáibhi na bría-
thraſo iona chroidhe, agus do bhí ſé lán
deagla Achis Rígh Gát.
13 Agus do áthruigh ſé a bhéaſa
dhá lathairſion, agus do léig air féin
bheith ar buile ann a lámhuibh, agus do
ſcríobadh ar dhoirſibh an geata, agus
do léigeadh a ſheile tuitim a nuas ar a
fhéaſóig.
14 Ann ſin a dubhairt Achis re na
ſherbhíſeachaibh, féach do chítí go bhfuil
an tóglach ar buile : uime ſin cred fá
ttugabhair chugamſa é ?
15 An bhfuil easbhuidh dháoine ar buile
orumſa, as a ttugabhair an fearſo do
dhéanamh mire dom lathair ? an ttiuc-
faidh an tóglach ſo a ſteach dom thighſe?

CAIB. XXII.

Ar impidhe an Fháigh Gad, fill Dáibhi go tír Judah. 11 Mar mharbhrunn re Dáibhi do mharbh Saul Sagairt an Tighearna.

DO imthigh Dáibhi ar a nadhbharſin
as ſin, agus do chuáidh ſé go hú-
amhaigh Adullam : agus a nuair do
chúaladar a dhearbhráithre agus muintir
thighe a athar uile ſin, do chúadar
chuige ſíos ann ſin.
2 Agus gach a raibh a ríachtanas,
agus gách a raibh a bhfiachaibh, agus
gach áon dá raibh a mbuaidhreadh, do
chruinnigheadar iad féin chuige, go mbí-
adh ſé na chaiptín orra : agus dho bhí
timchioll cheithre chéad fear na fhochair.
3 Agus do chuáidh Dáibhi as ſin
go Miſpeh Mhóab, agus a dubhairt ſé
ré Rígh Móab, Guidhim thú, Tigeadh
mathair agus mo mhathair amach, agus
bidís ad fhochairſi, nó go raibh a fhios
agum cred dhéana Día ar mo ſhon.
4 Agus thug ſé a lathair Rígh Móab
iad, agus do chomhnuigheadar na fho-
chair, an feadh do bhí Dáibhi ſan nú-
amhaigh.

5 Agus a dubhairt an fáigh Gad re
Dáibhi, Ná fan annsa dáingion úd, im-
thigh as so, agus éirigh go tír Judah:
ann sin do imthigh Dáibhi, agus do
chuáidh go foraóis Haret.
6 A nuáir do chúala Saul go raibh
Dáibhi ós áird, agus na daóine do bhi
na fhochair: (anois do bhí Saul na
shuighe a Ngibeah faoi chrann a Rámah,
agus a ghath iona laímh: águs do bhá-
dar a shearbhfhoghantuighe na seasamh
gacha taobh dhé.)
7 Ann sin a dubhairt Saul re na mhu-
intir do bhi gacha táobh dhe, Eistigh
anois a Bhenjamíteacha, an ttiubhra
mac Jesse do gach aon aguibhsi ma-
chairigh agus fineamhna? a ndéana sé
sibhsi uile caiptinigh ar mhíltibh, agus
caiptínigh ar chéaduibh?
8 As a ndéarnabhair uile feall am
aghaidh si, nach bhfuil éanduine ionnseas
dhamh go ndéarna mo mhac ceangal re
mac Jesse, agus nach bhfuil trúaighe ag
éanduine agaibh dhamh, no fhoillsighios
gur chorruigh mo mhác mo shearbhfho-
ghantuigh am aghaidh, do bheith am
oirchill mar atá a niugh.
9 Ann sin do fhreagair Doeg an Té-
dómiteach (noch do bhí ós cionn shearbh-
fhoghantuigheadh Shauil) &c. a dubhairt, Do
chonnairc mé mac Jesse ag teachd go
Nob go Hachimelech mhac Ahitub.
10 Agus dfiafruigh sé don Thighear-
na ar a shon, agus thug sé bíadh dhó,
agus thug sé cloidheamh Gholiah an
Philistíneach dhó.
11 Ann sin do chuir an Rígh fios ar
Achimelech an Sagart, mhac Ahitub,
agus ar mhuintir thighe a athar uile, na
sagairt do bhí a Nob: agus thangadar
uile chum an Rígh.
12 Agus a dubhairt Saul, éisd
anois a mhic Ahitub: agus do
fhreagair séision, atáim annso a Thi-
ghearna.
13 Agus a dubhairt Saúl ris, Cred
far thionnsguin tusa feall am aghaidhsi,
thú féin agus mac Jesse, do reir mar
thug tú arán dó agus cloidheamh, agus
gur fhiosruigh tú do Dhía air a shon,
ionnus go néireochadh sé am aghaidhsi,
agus go mbiath ag oirchill orum, mar atá
a niugh?
14 Ann sin do fhreagair Achimelech
an Rígh, agus a dubhairt, agus Cía
atá coimhfhírinneach re Daibhi a measc
do shearbhfhoghantuigheadhsa uile? noch
is cliamhuin don Rígh, agus shiubhlui-
gheas le do rádha, agus atá onórach ann
do thigh!
15 Nar thionsguin misi an lásin Día
fhiosrughadh air a shon? go madh fada
sin uaim: ná cuireadh an Rígh éinni a
leith a shearbhfhoghantuigh, nó a leith
thighe mathar uile: óir ni raibh fios
éinneithe dhe so uile ag do shearbhíseach
go beag ná go mór.
16 Agus a dubhairt an Rígh, do
gheabha tusa bás go deimhin, a Achime-
lech, thú féin agus muintir thighe ha-
thar uile.
17 Agus a dubhairt an Rígh ris na
coisighibh do bhí gácha taoibh dhe na
seasamh, Fillsidh, & marbhuidh sagairt an
Tighearna; do chionn go bhfuil a lámhsan
fós lé Dáibhi, agus do chionn go raibh a
fhios aca a nuair do theith sé, agus nar
fhoillsigheadar dhamsa é. Ach níor bháill
lé muintir an Rígh a lámh do shíneadh
ar shagartaibh an Tighearna.
18 Agus a dubhairt an Rígh re
Doeg; fillse agus tiomáin ar na sa-
gartaibh. Agus dfill Doeg an Té-
domiteach, agus do thiomáin ar na sa-
gartaibh; agus do mharbh sé an lásin
cúigear agus ceithre fichthid fear air a
raibh Ephod línéaduigh.
19 Agus do bhúail sé Nob, cathair
na sagart, le faobhar an chloidhimh,
éidir fhear agus mhnáoi, leanamh agus
náoidheanán, agus eidir dhamhuibh agus
assaluibh, agus chaorchaibh, le fáobhar
an chloidhimh:
20 Agus do chuáidh áon do chloinn
Achimelech mhic Ahitub as, dar bhai-
nim Abiatar, agus do theith a ndiáigh
Dháibhi.
21 Agus dinnis Abiatar do Dháibhi
mar do mharbh Saul sagairt an Ti-
ghearna.
22 Agus a dubhairt Dáibhi re Abía-
tar, Do bhí a fhios agum an lásin, a
nuair do bhi Doeg an Tédomiteach
annsin, gur dheimhin go ninneósadh sé
do Shaul: is misi as cionsatha re bás
dháoineadh thighe hathar uile.
23 Fansa am fhochairse, ná bíodh
eagla ort: an té iarrus mo bhássa, asé
íarrus do bhássa: ach biáidh tú daingean
am fhochairsi.

CAIB. XXIII.

Do shaoradh Daibhi 5 thóruigheachd Shauil 9 tré chaismiorta Dé.

AN sin dinnisiodar do Dháibhi, ga
rádh, Féuch, atáid na Philistínigh
ag troid a naghaidh Cheilah, agus atáid
ag slad na nurlár mbuailte.
2 Uime sin dfiafruigh Dáibhi don
Tighearna, gha rádh, An racha mé, agus
an mbúailfe mé na Philistínigh?
agus a dubhairt an Tighearna re
Dáibhi, Eirigh, agus buail na Phi-
listínigh, agus tárrthuigh Ceilah.
3 Agus a dubhradar muintir Dhái-
bhi ris, féach atá eagla oruinn
annso ann Judah: agus ga mhéid ós
a chionn sin ma théighmid go Cei-
lah a naghaidh shlóigh na Bhphili-
stíneach?

4 Ann ſin dfíafruigh Dáibhi fós a rís
don Tighearna: agus do fhreagair an
Tíghearna é, agus a dubhairt, Eirigh
imthigh ſíos go Ceilah: óir do bhéara
miſi na Philiſtinigh ad laímh.
5 Marſin do chuáidh Dáibhi agus a
mhuintir go Ceilah, agus do throidea-
dar ris na Philiſtinibh, agus thugadar a
náirneis leó, agus do bhúaileadar iad re
hár mór: marſin do ſháor Dáibhi áitre-
abhaigh Cheilah.
6 Agus tárla a nuair do theith Abía-
tar mhac Achimelech chum Dáibhi go
Ceilah, go ttáinic ſé ſíos maille re
Héphod iona láimh.
7 Agus do hinnſeadh do Shaul go
ttáinic Dáibhi go Ceilah, agus a
dubhairt Saul, Thug Día am láimhſi é;
óir atá ſé fa iadhadh a ſtigh, ar tteachd
a mbaile ar a bhfuilid geatuidhe, agus
barruidhe.
8 Agus do ghoir Saul an pobal uile
a gcionn a chéile chum cogaidh, do dhul
ſíos go Ceilah, do ſhuidhe a naghaidh
Dháibhi agus a mhuintire.
9 Agus do bhi a fhios ag Dáibhi
gur oibrigh Saul ós íſiol urchóid chuige;
agus a dubhairt ſé ré Abiatar an ſa-
gart, Tabhair a leith annſo an Té-
phod.
10 Ann ſin a dubhairt Dáibhí, a Thi-
ghearna Día Iſrael, do chuala do ſher-
bhíſeach go dearbhtha go bhfuil Saul ag
íarruidh teachd go Ceilah, do mhilleadh
na caithreach ar mo ſhonſa.
11 An ſeachódaid muintir Cheilah
mé a láimh Shauil? an ttiocfa Saul a
núas mar do chúala do ſherbhíſeach; O
a Thighearna Día Iſrael, guidhim thú,
innis dot ſhearbhfhoghantuigh? agus a
dubhairt an Tighearna, Tiucfaidh ſé a
núas.
12 Agus a dubhairt Dáibhi annſin, An
ttoirbheóruid muintir Cheilah miſi
agus mo mhuintir a laímh Shauil? agus
a dubhairt an Tighearna, Toirbheó-
ruid.
13 Ann ſin déirigh Dáibhi agus á
mhuintir timchioll ſé chéad fear, agus
dfágbhadar Ceilah, agus do chuádar
gidh bé aít ar fhéudadar dul; agus do
hinnſeadh do Shaul gur imthigh Dáibhi
as Ceilah, agus do ſguir ſé dhul ar
a aghaidh.
14 Agus do rinne Dáibhi comh-
nuigh ſan bhfáſach a ndaingneachaibh
laidre, agus dfan ſé ar ſhlíabh a
bhfáſach Siph: agus do bhí Saul dá
íarruidh gach éanlá, achd ni thúg Día
iona láimh é.
15 Agus do chonnairc Dáibhi go
ttáinic Saul amach dá íarruigh ré a
bháſughadh; agus do bhí Dáibhi a
bhfáſach Siph, a gcoill.
16 Agus déirigh Jonatan mhac
Shauil, agus do chuáidh ſé go Dáibhi
annſa choill, agus do neartuigh a lámh a
Ndía.

17 Agus a dubhairt ſé ris, Ní
odh eagla ort: óir ní bhfuighe l
matharſa thú; & bíaidh tú do Rígh
Iſrael; agus miſi bhus foigſe ad dhi
agus atá a fhios ſin fós ag math
Saul.
18 Agus do rinneadar
ceangal a láthair an Tighearna:
dfan Dáibhi ſan choill, agus dimth
Jonatán dá thigh féin.
19 Ann ſin tangadar na Sib-
ítigh ſúas go Saul go Gibeáh,
rádh, nach bhfuil Dáibhi aguinne
fholach féin a náitibh daingne
choill a ccnoc Hachilah, noch atá do
taóibh ó dheas do Jeſimon?
20 Annois ar a nadhbharſin
Rígh, do réir mar is rothoil led
tinn teachd ſíos, tárr ſíos, agus bedh
ar ccuidne dhe a ſheachadadh a lámh
an Rígh.
21 Agus a dubhairt Saul, go madh
beannuigh bheithiſe ón Tighearna: óir
atá truáighe agaibh dhamhſa.
22 Imthighidh, guidhim ſibh,
mhuighidh fós, & féachaidh a nait a
ngnáthuigheann ſé bheith, & cía chon-
nairc ann ſin é: óir do hinnſeadh dha-
mhſa go mbíonn ſé ro aireach.
23 Féachaidh ar a nadhbharſin, agus
beiridh éolus ar na huile áitibh díamhra
mar a bhfoluigheann ſé é féin, agus tigidh
chugamſa a rís le deimhin, agus rachaidh
mé libh: agus tiucfaidh a gcrích ma
bhíonn ſé annſa tír, go ſpíonfaidh
miſi amach é, ar feadh uile mhílteadh
Judah.
24 Agus déirgheadarſan, agus do
chúadar go Siph roimhe Shaul, achd
do bhí Dáibhi agus a mhuintir a bhf-
ſach Máon, annſa réiteach taóibh ó
dheas do Jeſimon.
25 Do chuáidh Saul fós, agus a
mhuintir dá íarruidh: agus dinnſiodar
ſin do Dhaibhi: uime ſin do chuáidh ſé
ſíos a ccarruig, agus do chomhnuigh a
bhfáſach Maon: agus a nuáir do chúa-
laidh Saul ſin, do lean ſé a ndíaigh
Dhaibhi go fáſach Maon.
26 Agus do chuáidh Saul air an tta-
obhſa don tſlíabh, agus Dáibhi gus
a mhuintir ar an ttaobh eile don
tſlíabh: & do rinne Daibhi deithfir re
himtheachd ar eagla Shauil: óir tháinic
Saul agus a mhuintir, timchioll Dháibhi
agus a mhuintire fa gcuáirt, dá nga-
bháil.
27 Acht tangadar teachda chum
Sauil, da rádh ris, deithfrigh ort, agus
tárr: óir thangadar na Philiſtinigh do
ghabháil na tíre.
28 Uime ſin dfill Saul ó leanmhain
a ndíaigh Dháibhi, & do chuáidh a na-
ghaidh na Bhphiliſtineach; uime ſin do
ghoireadar Selah-hammah lecot don náit.
29 Agus do chuáidh Dáibhi ſúas as
ſin; agus do comhnuigh a náitibh daing-
ne, ann Engedi.

CAIB.

CAIB. XXIV.

Do cheannſuigh Dáibhi croidhe a námhad le a dhiadhachd, ann ſa nuamhuidh.

AGus tárla a nuáir do bhí Saul ar
a bhfilleadh ó leanmhuin na Bhphili-
ſteach, gur hinniſeadh dhó, dha
rádh, féach atá Dáibhi a bhfáſach En-
gadi.
2 Annſin rug Saul leis trí mhile fear
toghtha as Iſrael uile, agus dimthigh ar
lorg Dháibhi agus a mhuintire, ar
charraigibh na ngabhar bhfiáin.
3 Agus thainic ſé do na tighthibh
chaorach láimh ris an tſlighe, mar a
raibh uámh, agus do chuáidh Saul
iſteach dfolach a chos, agus do bhí
Dáibhi agus a mhuintir a ttaobh na
huámha.
4 Agus a dubhradar muintir
Dháibhi ris, féach an lá a dubhairt an
Tighearna riot, Féuch, do bhéara mé do
námhaid ad láimh, iondus go bhféadfa
tu a dhéanamh ris mar as áill leachd
ſiu: ann ſin déirigh Dáibhi, agus do
ghearr ſé ſciorta róba Shauil gan fhios
é.
5 Agus tárla na dhiáigh ſin gur
bhuail coguſ Dháibhi é, do bhrígh gur
ghearr ſé ſciorta Shauil.
6 Agus a dubhairt ſé re na dhaoí-
nibh, Nár léige Día go ndéanainnſi an
ní ſo rém mhaighiſtir, ungthach an Tigh-
earna, mo lámh do ſhíneadh amach na
aghaidh, o ſé ungthach an Tighearna é.
7 Mar ſin do choiſc Dáibhi a ſhear-
uóghantuighidh leis na bríathraibhſin,
agus níor léig dhoibh éirigh a naghaidh
Shaúil: achd déirigh Saul amach as a
nuamhaigh, agus do ghluáis roimhe iona
ſlighe.
8 Déirigh Daibhi mar an gcéadna
na dhiaighſin, agus do chuáidh amach
as a nuamhuigh, agus do ghoir a ndiáigh
Shaúil, dha rádh, mo Thighearna an Rígh.
Agus a nuair dféuch Saul na dhiáigh, do
chrom Dáibhi maille re na aghaidh
ſíos chum na talmhan, agus dumhluigh
ſé é féin.
9 Agus a dubhairt Dáibhi re Saul,
Créd fa gcreideann tú bríathra dhaoíne
a deir, Féuch atá Dáibhi ar tí bur-
choide?
10 Féach a niugh do chonncadar do
ſhúile féin mar thug an Tighearna a
niugh am láimhſi thú anſa núamhuigh,
agus a dubhradar dáoine áirigh riom
do mharbhadh: achd do choigil
[mo ſhúil] thú, agus a dubhairt mé,
ní chuirſe mé mo lámh amach a nagh-
aidh mo Thighearna: óir a ſé ungthach
an Tighearna é.
11 Os a chionn ſin, a athair féach, féach
fós ſciorta do róba am láimh: óir as ſo
gur ghearr mé iachtar do róba, agus
nar mharbh mé tú féin, aithin, & féuch
nach bhfuil olc nó urchóid am láimh,
agus nar chiontuigh mé ad aghaidhſi;
achd atá tuſa ag ſiadhach ar manumſa,
chum a ghabhala.
12 Go ndéana an Tighearna breith-
eamhnus eadrumſa agus tuſa, agus go
ndioghla an Tighearna miſi ort: achd ní
bheanſa mo lámhſa riot.
13 Mar a deir ſeanfhocal na nárſanta,
Thig an tolc ón drochdhuine, achd ní
bheanſa mo lámhſa riotſa.
14 Cía a ndiáigh a ttáinig Rígh Iſ-
rael amach? cía a ndiaigh a bhfuil tú
ag lorgaireachd? a ndiáigh mhadruidh
mhairbh? a ndiáigh dhearnaite?
15 Ar a nadhbharſin bíodh an Tigh-
earna na bhreitheamh, agus beireadh ſé
breath eadrumſa agus tuſa, agus go
ttagruidh mo chúis, agus go ſaoruidh ſé
mé amach as do láimhſe.
16 Agus tárla a nuair do chríoch-
nuigh Dáibhi labhairt na mbriatharſa re
Saul, go ndubhairt Saul, a né ſo do
ghuthſa, a mhic, a Dháibhi? agus do
thóg Saul a ghuth ós áird, agus do ghuil
ſé.
17 Agus a dubhairt ſé re Dáibhi, Is
fíreanta thuſa ná miſi, óir do chúitigh
thuſa miſi le maith, a nait a nuilc do
rinne mé ort.
18 Agus do thaiſbein tú a niugh a
fheabhus do fríth orumſa thú; an tan go
ttug an Tighearna ad láimh mé, agus nar
mharbh tú mé.
19 Oir má bheirionn duíne ar a
námhuid, an léigſe ſé ſlán úadh é?
uime ſin go ttuga an Tighearna a
luach maitheaſa dhuitſe, ar ſon a ndéarna
tú orumſa a niugh.
20 Agus a nois féach atá a fhios
agamſa go maith, go mbia tú ad Rígh,
agus go ndaingneochthar ríoghachd Iſ-
rael ad láimh.
21 Tabhair do mhionna dhamſa, ar a
nadhbharſin annois fan Tighearna, nach
gearrfa tú amach mo ſhliochdſa am dhi-
aigh, agus nach ſcriosfuidh tú mainm as
tigh mathar.
22 Agus thug Dáibhi a mhionna do
Shaul, agus do chuáidh Saul dá thigh:
achd do chuáidh Dáibhi, agus a mhuintir
ſuas go daingean áirigh.

CAIB. XXV.

Bas & adhlacadh Shamuel. 18 Do chonbhadh Daibhi o Nabal do mharbhadh tré ghliocus Abigail.

AGus fuáir Samuel bás, agus do chruin-
nigheadar Iſrael uile a gcionn a
chéile, agus do chaoineadar é, agus
do adhluiceadar é iona thigh féin
a Rámah. Agus déirigh Dáibhi,
agus do chuáidh ſíos go fáſach Pa-
ran.

2 Agus do bhí duine a Maon ga
raibh a mháoin a Gcarmel, agus do bhí
an duine ro mhór, agus do bhádar trí
mhíle cáora aige, agus míle gabhar,
agus do bhí ag bearradh a cháorach a
Gcarmel.
3 Annois do bhé ainm an duine Ná-
bal, agus ainm a mhná Abigail: agus
bá bean dheaghthuigſionach í, & ſgíamh-
ach a ngnúis: áchd do bhí an fear íarg-
cúlta, agus go holc iona ghníomhar-
thaibh, agus bá do thigh Chaleb é.
4 Agus do chúalaidh Dáibhi annſa
bhfaſach gur bhearr Nábal a chaói-
righ.
5 Agus do chuir Dáibhi deichneamhar
óganach úadh, agus a dubhairt Dáibhi
ris na hógánchuibh, Eirgidhe ſúas go
Carmel, agus imthigidh go Nábal, agus
beannuighidh dho am ainmſi:
6 Agus is marſo a déarthaói ris, ma-
thá ſe ſlán; Síothcháin mar aon duit
féin, agus ſíothcháin dot thigh, agus
ſíothcháin da gach éinní as leachd.
7 Agus annois do chúala mé go
bhfuilid luchd beárrtha caórach agad: a
nois ní dhearnamairne dochar do na háo-
dhairibh, noch do bhí eadruinn: & ní
mó do chailleadar éainní ar feadh na
haimſireſi do bhádar a Gcarmel.
8 Fiarfuigh dot ógánachuibh, agus
inneoſaid ſíad duit; ar a nadhbhar ſin
faghdaois na hógánuigh fabhar ad ra-
dharc: (óir thangamar a ló mhaith)
guidhim thú, tabhair gidh bé ní theag-
mhas ad láimh, dod ſhearbhfhoghantui-
ghibh, & dod mhac Dáibhi.
9 Agus a nuair thangadar óganuidh
Dháibhi, do labhradar ré Nábal do réir
na mbríatharſin uile a nainim Dháibhi,
agus do thochdadar.
10 Agus do ſhreagair Nábal ſear-
bhíſigh Dháibhi, agus a dubhairt, Cía hé
Dáibhi féin, agus cía hé mac Jeſſe? bíd
mórán ſearbhfhoghantuigh ar a naimſir-
ſi bhriſios amach gach éanduine aca óna
mhaighiſtir.
11 Ma ſeadh an nglacſa miſi ma-
rán, agus muiſce, agus mfeóil do
mharbh mé dom bheárthòiribh, agus a
ttabhairt do dhaóinibh nach feas damh
cá has doibh;
12 Ann ſin do ſhilleadar óganuigh
Dháibhi, agus do chuádar air a nais,
agus tangadar, agus dinniſiodar dhó
na bríathraſin uile.
13 Agus a dubhairt Dáibhi re na
mhuintir, cuirfidh gach éanduine aguibh
a chloidheamh thairis. Agus do chuir
gach áon aca a chloidheamh thairis,
agus do chuir Daibhi mar an gcéadna
a chloidheamh thairis: agus do chuáidh
ſúas a ndiáigh Dháibhi timchioll ceithre
chéad fear, agus dían dhá chéad fear
ag an ſtór.
14 Agus dinnis duine do na hógána-
chaibh dó Abigail bean Nábal,gha rádh,
Féach do chuir Dáibhi teachda as a
bhfáſach do bheannughadh dar maighiſ-
tir, agus do bhuail ſé ag géaruighe
orra.
15 Acht do bhádar na daoine
ro mhaith rinne, agus ní dhearnadh
dochar dhuinn, agus ní mó do chaill-
mar einní, an fad do bhámar na cco-
lúadar, a núair do bhámar a muich a
na machairighibh.
16 Do bhádar na ndídean aguinn
ló agus doidhche ar feadh na haimſire
bhámar na bhfochair ag cumhdach
ccáorach.
17 Annois ar a nadhbhar ſin, bíodh
a fhios agad, agus meas cred dhéan-
tú: óir do cinneadh olc a naghaidh
maighiſtir, agus a naghaidh a thighe
uile: óir ſé a leitheid ſin do mhac
Bhélial é, nach bhféadann duine labhairt
ris.
18 Ann ſin do rinne Abigail
thnios, agus do ghléas dhá chéad buil-
agus dhá bhuidéul fíona, agus cúig
righ réigh deaſuigh, & cúig mioſuir
ghrán doite, agus ceád tríopall do ri-
nibh, & dhá chéad bairghin ſigedh,
agus do chuir ar aſſaluibh íad.
19 Agus a dubhairt ſí re na
bhíſeachaibh, Gluáiſigh romham,
biaidh miſi bhur ndiáigh; achd níor
ſí ſin dá fear Nábal.
20 Agus is amluidh bhí, mar
bhí ſí ag marcuigheachd air a naſſal,
í ag dul ſíos air ſgâth cnoic,
féach do bhí Dáibhi agus a mhuintir
teachd na coinne a nuas, agus
riú í.
21 (Annois arſa Dáibhi, go deimh-
in is díomháoin damh a ndearna mé
do chumhdach ar a raibh ag an bhfear
ſo ann ſa bhfáſach, ar chor nach
chaidh éinní a mugha don nuile ní
ghabh leis: agus do chúitigh ſé mo
mhaith le holc.
22 Go ndéarna Día ſin agus tuil-
leamh ré naimhde Dháibhi, ma fhá-
bhuimſi don nuile ní ghabhus leis,roimhe
ſholus na maidne, áon do mhúnfadh a
naghaidh an bhalla.)
23 Agus a núair do chonnairc Abigail
Dáibhi, do lúathuigh ſí uirre, agus do
thuirling ſí don naſſal, agus do thuit
ar a haghaidh a bhfiadhnuiſi Dháibhi,
do chláon í féin go talumb.
24 Agus do thuit ſí fana chóſaibh
agus a dubhairt, Orumſa a thighearna,
orumſa bíodh a néagcóirſi, agus léig
dot bhanóglaich guidhim thú, labhairt
ad eiſteachd, agus éiſt bríathra do bhanó-
glaich.
25 Guidhim thú, na tugadh mo thi-
ghearna toradh ar an té ſo do mhuintir
Bhélial, eadhon Nabal: óir mar atá
ainm, is marſin atá ſé féin; Nábal
ainm dhó, agus leimhe atá aige: achd
miſi do bhanoglach,ní fhaca mé ógánuigh
mo thighearna noch do chuir tú
úait.

26 Annois ar a nadhbharsin, a
tighearna, mar mhaireas an Tighear-
na agus mar atá hanum beó, ó budh tóil
an TTighearna thusa dfostadh gan
teacht do dhórtadh fola, agus thú fein
do choimhéad ó dhioghaltas do dhéa-
namh le dó laimh féin: annois bídis
do naimhdeé agus an mhéid íarrus olc
dom thighearna, mar Nábal.
27 Agus a nois túgthar an bronta-
nassa, noch thug do bhanóglach chum
mo thighearna, do na hógánachaibh
lenas mo thighearna.
28 Guidhim thú, maíth cionta do bhan-
óglaich: óir do dhéana an Tighearna
go dearbhtha tigh daingean dom thighear-
na, do chionn go ttróidionn mo thighear-
na cathanna an Tighearna, agus nach fríth
olc ionnad ar feadh do shaoghail.
29 Gidheadh déirghe duine dot in-
greim, agus díarruidh do bhais: achd
biaidh anam mo thighearna ceangailte a
ccuachán na beatha a bhfochair do
Thighearna Día; agus anmánna do
naimhdeadh sad theilgfios sé amach, a-
mhail do theilgfeadh as crann tábhuill.
30 Agus tiucfa a gcrích a núair do
dhéana an Tighearna dom thighearna
do réir gach uile maitheasa dar labhair
sé dot thaobhsa, & óirdeochus sé thú
a do uachdarán ós cionn Israel;
31 Nach biáidh so na doilghios duit-
se, nó na choir mheanman dom thighear-
na, gur dhóirt tú fuil gan adhbar, nó
gur dhioghuil mo thighearna é féin:
achd a núair do gheabhthar an Tigh-
earna go maith ar mo thighearna, ann
sin cuimhnigh do bhanóglach:
32 Agus a dubhairt Dáibhi re Abi-
gail, Go madh beannuigh an Tighearna
Día Israel, noch do chuir thusa a ni-
diu am choinne;
33 Agus go madh beannuigh do cho-
mhairle, agus go madh beannuigh thú
féin, noch do thoirmisg misi a niugh um
theachd do dhórtadh fola, & o mé féin
do dhioghailt lem láimh féin.
34 Oir go dearbhthá, mar mhairios an
Tighearna Día Israel, noch do chonn-
uimh misi ó thúsa ghortughadh, muna
ndéantha deithnios, agus teachd am cho-
inne, go dembin ní fúighfidhe ag Nábal
go tteacfadh soillse na maidne, áon do
mhúnfadh a naghaidh an bhalla.
35 Mar sin do ghlac Dáibhi as a
láimh gach ní dá ttug sí chuige, agus
a dubhairt sé ría, imthigh súas a sío-
thcháin chum do thighe, féuch déist
misi red ghlór, agus do ghlac mé go
maith do ghnúis.
36 Agus tháinig Abigail go Nábal,
agus féch do chonnuimh sé féusta iona
thigh amhuil féusta Rígh; agus
do bhí croidhe Nábal súgach ann,
óir do bhí sé ar meisge go mór: uime
sin níor innis sisi dhó a bheag nó a
mhór nó go ttáinic maidin ar na mbá-
rach.

37 Ach tárla ar maidin a nuáir do
do imthigh an fíon as Nábal, agus ar
innis a bhean na neithesi dhó, go bhfu-
air a chróidhe bás ann a stigh, agus go
raibh marbh mar chloich.
38 Agus tárla táobh a stigh do dheich
lá na dhiáigh sin gur bhuáil an Tigh-
earna Nábal, agus go bhfuáir sé bás.
39 Agus a nuáir do chúaluidh Dái-
bhi gur éug Nábal, a dubhairt sé, Go
madh beannuigh an Tighearna, noch
do thagair cúis mo scanla as láimh
Nábal, agus do chonnuimh a shearbhf ho-
ghantuigh ó olc do dhéanamh: óir dfill
an Tighearna urchóid Nábal ar a cheann
féin. Agus do chuir Dáibhi teachda úadh,
agus do chomhráidh sé ré Habigail dá
gabháil chuige na mnáói.
40 Agus a nuair thangadar searbhf ho-
gantuighe Dháibhi go Habigail go Car-
mel, do labhradar ría dhá rádh, do
chuir Dáibhi sinne chugad dot fha-
ghail dhó mar mnaói.
41 Agus déirigh sisi, agus do chrom
síos go talumh ar a haghaidh, & a
dubhairt; féuch bíodh do bhanóg-
lach na serbhíseach do nighe chos shear-
bhf hoghainteadh mo thighearna.
42 Agus do bhrostuigh Abigail uirre,
agus déirigh, agus do chuáidh ar assal,
agus cúigear ogbhan na diáigh, agus
do lean sí teachda Dháibhi, agus do
bhí na mnaói aige.
43 Thug Dáibhi mar an gcéadna
Ahinoam ó Jesreel, agus do bhádar
aráon na mnáibh aige.
44 Ach thug Saul Míchal a inghean,
bean Dháibhi, do Phaltí mhac Lais,
noch do bhí do Ghallim.

CAIB. XXVI.

Do adhmuigh Saul an dara húair iochd Dhaibhi, 21 agus a ainjochd féin.

AGus tangadar na Siphítigh go Saul,
go Gibéah, ghá rádh, Nach bhfuil
Dáibhi dhá dhiísiughadh féin a ccnoc
Hachilah, noch atá as coinne Jesi-
mon?
2 Annsin déirigh Saul, agus do chu-
áidh síos go fásach Siph, ar mbreich
thri míle féar toghtha Disrael leis,
diarruidh Dháibhi a bhfásach Siph.
3 Agus do champuigh Saul a ccnoc
Hachilah, noch atá as coinne Jesimon,
láimh ris an tslighe: áchd do chomh-
nuidh Dáibhi annsa bhfásach, agus do
chonnairc sé go ttáinic Saul na dhiáigh
san bhfásach.
4 Do chuir Dáibhi ar a nadhbharsin
luchd bhratha amach, agus do thuig go
ttáinic Saul ar gach éanchor.
5 Agus déirigh Dáibhi, agus thái-
nic gus a náit ar shuighe Saul a
champa; & do chonnairc Dáibhi a náit
ar luigh Saul, agus Abner mhac Ner,
caiptín a shloígh: agus do luidh Saul

annsa trinnse, agus an slúagh a ccampa
air gach éantáobh dhe.
6 Ann sin do fhreagair Dáibhi, &
a dubhairt sé re Hachimelech an Hiti-
teach, agus re Habisai mhac Seruíah,
dearbhrathair Jóab, dhá rádh, cía ra-
chus liom síos don champa go Saul?
agus a dubhairt Abisai, racha misi lea-
chd síos.
7 Marsin tháinic Dáibhi, agus A-
bisai chum an tslóigh san noidhche, a-
gus féuch, do bhí Saul na chodladh a
stigh san tréinnse, agus a ghath na shea-
sadh san talamh agá adhairt: agus do
bhí Abner agus an slúagh na luidhe
ar gach taobh dhe.
8 Ann sin a dubhairt Abisai re Dá-
ibhi, thug Día do námhaid a niugh ad
láimh: annois ar nadhbharsin guidhim
thú, leig dhamhsa a bhúaladh leis an
ngath go nuige an ttalámh déantsáthadh
& ní bhúailsiod an dara huáir é.
9 Agus a dubháirt Dáibhi re Abi-
sai, na marbh é, óir cía fhéadus a
lámh do shíneadh amach a naghaidh úng-
thúidh an Tighearna, agus bheith nei-
mhchiontach?
10 Os a chionn sin a dubhairt Dáibhi,
Mar mhairios an Tighearna, buailsidh
an Tighearna é, nó tiucsa a lá a bhfui-
ghe sé bás, nó rachaidh sé síos a gcath,
agus tuitse sé.
11 Nár leígidh an Tighearna go sín-
finnsi amach mo lámh a naghaidh ung-
thaigh an Tighearna: ach guidhim
thusa anois, glac an gath atá agá chéann-
adhairt, agus an cruisgín uisge, agus
bíom ag imtheachd.
12 Mar sin do thóg Dáibhi an crúis-
gín uisge, ó cheannadhairt Shauil, agus
do imthigheadar rompa, agus ni raibh
éanduine ann do chonnairc sin, nó agá
raibh a fhios, nó do mhúscail: óir do
bhádar uile na gcodladh, do chionn gur
thuit súan trom ón TTighearna órra.
13 Ann sin do chúaidh Dáibhi don
táoibh oile anonn, agus do sheas a mul-
lach cnoic a bhfad uatha, & spás mór
eatorra:
14 Ann sin do ghoir Dáibhí air a
tslúagh, agus air Abner mhac Ner,
gha rádh, nach bhfreagaann tú, a Ab-
ner? ann sin do fhreagair Abner,
agus a dubhairt, cía thusa bhéiceas air
a Rígh?
15 Agus a dubhairt Dáibhi re Habner,
nach bhfuil tusa ad ghaisgidheach bheó-
dha, agus cía as cosmhuil riot ann
Israel! uime sin cred fa nar choimh-
éad tú do Thighearna an Rígh; óir
tháinic duine don tsluagh a steach do
mharbhadh an Rígh do Thighearna.
16 Ni maith an níso do rinne tú:
mar mhairios an Tighearna, do thuil-
leabhair bhur mbásughadh, dó bhrígh
nár choimhéadabhair bhur maighistir, un-
gthach an Tighearna: & annois féuch
cáit a bhfuil gath an Rígh, agus an
crúisgín uisge do bhí aga cheannadhairt?

17 Agus do aithin Saul guth D
bhí, agus a dubhairt, né so do
sa, á mhic, a Dháibhi! agus a
airt, sé so mo ghuth sa, a thigh
a Rígh.
18 Agus a dubhairt sé, cred
fáth as a bhfuil mo thighearna mar
foileanmhuinn a shearbhfhoghanta
óir cred do rinne mé, nó cred
tolc atá am láimh?
19 Annois ar a nadhbharsin guidh
thú, éisdeadh mo thighearna an R
bríathra a shearbhfhoghantuigh,
an Tighearná do chorruigh súas am
aidhsi thú, glacadh sé ofráil
achd mas íad clanna na ndáoine, go
malluigh íad a lathair an Tighearn
oir do dhíbreadar misi amach an
ó fhanmhuin a noighreachd an Tigh
na, ghá rádh, éirigh, adhair dée oile
20 Annois uime sin, ná dóirt
mfuil sá thalumh a bhfíaghnuis
Tighearna: óir tháinic Rígh Israel
mach díarruigh dearnaide, mar do
duine fíadhach ar phaitrisg ann
ibhtibh.
21 Ann sin a dubhairt Saul do
pheacaidh mé, fill a mhic a Dháibhi
óir ní dhéansa dochar dhuit ní bhu
do chionn go raibh manum mórluigh
ad radharc a niugh: féach do rinn
mé amadanachd & do chúaidh me a
seachrán go hiomarcach.
22 Agus do fhreagair Dáibhi, agus
a dubhairt, féach gath an Rígh, tigeadh
duine do na hóganachaibh a nall, agus
beireadh leis é.
23 Go ccúitighidh an Tighearna
gach éanduine a fhíréantachd, agus a
ionnruiceas: óir thug an Tighearna
thusa am láimhsi a niugh, ach ni
bháill liom mo lámh do shíneadh amach
a naghaidh unghthaidh an Tighearna.
24 Agus féuch, mar do bhí hanam
ro úasal am radharcsa a niugh, gu
marsin bhías manumsa mórluigh
súilibh an Tighearna, agus go saoraidh
sé mé ó nuile thrioblóid.
25 Ann sin a dubhairt Saul re Dáibhi
go madh beannuigh bhías tusa a mhic
a Dháibhi, do dhéana tú neithe móra
& fós béaruidh tú buáidh a gcomhne
ghe; mar sin dimthigh Dáibhi roimhe
agus dfill Saul dá áit féin.

CAIB. XXVII.

*Da cheil Dáibhi a thuras ar Rígh A-
chis.*

AGus a dubhairt Dáibhí iona chro-
idhe, Muirfighear mé annois lá
éigin le láimh Shauil: ni bhfuil ni bh
féarr dhamh ná imtheachd gó luath go
dúithche na Bhphilistíneach, agus
chaidh Saul a néadóthchus dom thí
gan míarruidh ó sin amach a néanch
sta Disrael: agus mar sin imeocha
as a lámhuibh.

2 Agus

... Agus d'éirigh Dáibhi, agus do chu-
... thairis anonn leis na sé chéad do
... fhochair, go Hachis mhac Ma-
... Righ Gat.
... Agus do rinne Dáibhi comhnuighe a
... Achis a Ngát, é fein agus a
... gach aon gun a theaghlach,
... Dáibhi, agus a dhías ban, Ahi-
... an Tiesreelíteach, & Abigail an
... bean Nábal.
... Agus do hinnseadh do Shaul gur
... Dáibhi go Gát, agus níor ghlu-
... níos mó dá lorgaireachd.
... Agus a dubhairt Dáibhi re Achis,
... mé annois grása ad radharc,
... áit dhamh a mbaile éigin annsa
... ndéana mé comhnuighe ann : óir
... coimhneochadh do shearbhfho-
... annsa chathair Ríogha ad fho-
...
... sin thug Achis Siclag dhó an
... uime sin atá Siclag ag Riogh-
... Iúdah gus a niugh.
... Agus do bé fad na haimsire do cho-
... Dáibhi a gcrích na Bhphilisti-
... bliadhuin iomlán & ceithre mhí.
... Agus do chuáidh Dáibhi agus a
... suas agus do thiomáineadar air
... agus na Gersitibh agus
... óir dob íad sin san
... áitreabhaigh na tíre mar
... go Súr, air fad go crích na
...
9 Agus do bhuáil Dáibhi an tír &
... fear ná bean béo innte,
... les na cáorigh, agus na daimh
... & na cámhuill, agus na
... agus d'fill, agus thainic sé go
...
10 Agus a dubhairt Achis, cáit a
... tú do thurus a niugh ? Agus a
... Dáibhi, a naghaidh an taóibh
... do Iúdah, agus a naghaidh an ta-
... ó dheas do na Jerahmeelíteachaibh,
... naghaidh an taóibh ó dheas do na
...
11 Agus nior léig Dáibhi fear no
... béo as díobh do bhéaradh sgéulá go
... rádh, deagla go ninneosaidís
... rádh, is marsin do rinne
... & is mar sin bhías a ghnáith-
... ar fad na haimsire choimhneochus
... a gcrích na Bhphilistineach.
12 Agus do chreid Achis Dáibhi, gha
... thug sé ar a mhuintir féin Israel
... amach do bheith aca air :
... sin biáidh sé na shearbhfhoghan-
... agumsa go bráth.

CAIB. XXVIII.

... Saul (annois a neudóchais) ... comhairle do ghabhail ó mhnáoi ... leannán síthe.

... tárla an sna láethibhsin gur
... chruinnigh na Philistinigh a slói-
... a gcionn a chéile chum cogaidh,
... do throid re Hisrael : agus
a dubhairt Achis re Dáibhi, biodh a
a fhios agad go deimhin go racha tú
amach liomsa chum catha, thú féin &
do mhuintir.
2 Agus a dubhairt Dáibhi re Achis,
go deimhin biáidh a fhios agadsa cred
fhéadfas do sherbhíseach do dhéanamh :
agus a dubhairt Achis re Dáibhi, uime
sin do dhéana mé coimhéaduighe mo
chinn díot go bráth.
3 Annois déug Samuel, agus do cha-
óineadar Israel uile é, agus do adhlai-
ceadar é a Rámah, eadhon iona
chathruigh féin, agus do chuir Saul ar
siubhal an drong agá mbidís leannáin
síth, agus luchd na bpiséog as an ttír
amach.
4 Agus do chruinnigheadar na Phi-
listinigh íad féin a néanáit, agus than-
gadar, agus do shuigheadar a Sunem :
agus do chruinnigh Saul Israel uile,
agus do rinneadar foslungphort a
Ngilboa.
5 Agus a nuáir do chonnairc Saul
slúagh na Bhphilistineach, do bhí eagla
air, agus do chriothnuigh a chroidhe
go mór.
6 Agus a nuair do fhiarfuigh Saul
scéula don Tighearna, níor fhreagair an
Tighearna é, a mbrionglóidigh, nó le
Urim, nó le faighibh.
7 Ann sin a dubhairt Saul re na
mhuintir, faghaidh dhamh bean agá
bhfuil leannán síthe, go ndeachadh mé
na ceann, dfagháil comhairle uaithe.
Agus a dubhairt a shearbhfhoghantuighe
ris, féach atá bean agá bhfuil lea-
nnán síthe ann Enndor.
8 Agus do chuir Saul é féin a naimh-
riochd, agus do chuir culaidh oile
air, agus dimthigh, agus días fear leis,
agus tangadar chum na mná an sa no-
idhche ; agus a dubhairt sé ría, guidhim
thú, déana faistine dhamhsa leis an
leannán síthe, agus tóg dhamh súas an
té ainmneochus mé dhuit.
9 Agus a dubhairt an bhean ris, féach
is aithne dhuit cred do rinne Saul, mar
do scrios sé an luchd agá rabhadar
leannáin síthe, agus na draoithe, amach
as an gcrích : uimesin cred fá bhfuil
tusa ag cur lín ar manumsa, agus
do chur dfiachaibh orum bás do thuil-
liomh ?
10 Agus do mhionnuigh Saul dhi tre as
an Tighearna, ag rádh, mar mhairios
an Tighearna, ní theigeomhuidh pío-
nús ar bith dhuit ar son na cúisise.
11 Ann sin a dubhairt an bhean ris,
cía ghoirfeas mé chugadh ? agus a dubh-
airt seision, goir chugam Sámuel.
12 Agus a nuair do chonnairc an bhean
Samuel, do ghoir sí na comhairc go hárd,
agus a dubhairt an bhean ré Saul, cred
fár mheall tú mé, óir is tú Saul ?
13 Agus a dubhairt an Righ ría, ná
biodh eagla ort, óir cred do chonnairc
tú ? agus a dubhairt an bhean re Saul,

do chonnairc mé dée ag éirghe a níos
as an ttalamh:
14 Agus a dubhairt leision ría, cred is
foirm dhó? agus a dubhairt sisi, atá se-
anduine ag teachd a níos, agus falluing
uime. Agus do aithin Saul gur bé Samuel
é, agus do chrom sé le na aghaidh chum
na talmhan, agus do chláon é féin.
15 Agus a dubhairt Samuel re Saul,
Cred far bhúaidhir tú mé dom ghairm
a níos? agus do fhreagair Saul agus a
dubhairt sé, atáim ro bhuáidheartha:
óir atáid na Philistinigh ag déanamh
cogadh am aghaidh, agus do dheal-
uigh Día ríom, agus ní fhreagrann sé
mé níos mó lé fáighibh, nó le fisibh:
uime sin do ghoir mé ortsa, go ninn-
costí dhamh cred dhéanas mé.
16 Ann sin a dubhairt Samuel, Cred
fá bhfiafruigheann tú dhiomsa, ó dheal-
uigh an Tighearna ríot, agus go bhfuil
sé na namhuid agad?
17 Agus do rinne an Tighearna dhó
féin, mar do labhair sé thríomsa: óir do
fhúaduigh an Tighearna an ríoghachd
as do láimh, agus thug sé dot chomhar-
sainn, do Dháibhi í.
18 Do bhrígh nar umhluigh tusa do
ghuth an Tighearna, agus nach ar dhío-
ghail tú á fhearg dhíbhfheirgeach ar
Amalec, uimesin do rinne an Tighearna
an ní si ríotsa a niugh.
19 Os a chionn sin, do bhéara an Ti-
ghearna Israel maille leachdsa a lámh-
aibh na Bhphilistíneach.
20 Ann sin do thuit Saul ar báll
sínnte ar fad na talmhan, agus do
ghabh eaglá ro mhór é, do bhrígh bhría-
thra Shamuel, agus ní raibh neart ar
bith ann: óir níor ith sé arán ar feadh
an laói, nó ar feadh na hoidhche.
21 Agus tháinic an bhean chum Sauil,
agus do chonnairc go raibh sé lán do
bhuáidhreadh, agus a dubhairt sí ris,
féuch, do umhluigh do bhanóglach dot
ghlór, agus do chuir mé manum am láimh,
agus déist mé red bhríathraibh, noch
do labhair tú ríom.
22 Annois ar a nadhbharsin, guidhim
thú, éisti mar an gcéadna ré glór do
bhánógluich, agus léig dhamhsa greim
aráin do chur ad fhiadhnuisi, agus ith
é, chor go mbia neart ionnad a nuair
bhias tú ag imtheachd ann do shlighe,
23 Acht do dhiúlt leision, agus a
dubhairt, ní íosad: achd do sháruigh-
eadar a shearbhfhoghantuighidh maille
ris an mnaoi é, iondus gur áontuigh sé
dá nglór: annsin déirigh sé don talumh,
agus do shuigh sé ar a leabuidh.
24 Agus do bhí láogh ramhar ag an
mnáoi san tigh, agus do dheithfrigh sí,
agus do mharbh sí e, agus do ghlac
plúr agus dfuin, agus do rinne arán
sleamhuin de.
25 Agus thug sí lé, agus do chuir
a bhfiaghnuisi Shauil é, agus a bhfiadh-
nuisi a mhuintire, & duádar biadh;
ann sin déirgheadar súas, & dimthigh-
eadar rompa a noidhche sin.

C A I B. XXIX.

Na Philistinigh ag dol agceann chath re Israel. 6 Do chuireadar Daibhi uatha ...

ANois do chruinnigheadar na Philisti-
nigh a sluagh uile a gcionn a chéile
go Haphec: agus do bhí Israel a
ccampa láimh re tobar atá ann Iez-
reel.
2 Agus do ghluáisiodar tighearna-
dhe na Bhphilistíneach le na gcéad-
uibh, agus lé na míltibh; ach do ghlu-
ais Dáibhi & a mhuintir ann a ndeireadh
a bhfochair Achis.
3 Ann sin a dubhradar prionnsaidhe
na Bhphilistíneach, cred do níd na He-
bhruidhesi ann so? agus a dubhairt A-
chis re prionnsadhuibh na Bhphilistí-
neach, nach é so Dáibhi, searbhfhoghan-
tuidh Shauil Rígh Israel, noch atá am
fhochairsi na laethesi, nó na bliadhnasi,
agus ní bhfuair mé lochd ar bith ann ó
thainic sé chugam gus a niugh?
4 Agus do bhádar prionnsuidhe na
Bhphilistíneach féargach ris, agus a du-
bhradar prionsuidhe na Bhphilistíneach
ris, tabhair air an bhfearso filleadh go
ndeachaidh sé don náit do órduigh tu
dhó, agus ná héirgheadh sé síos linne
chum catha, deagla go mbiath sé ar na-
ghaidh san chath: óir cred an ní lé
dtuillsfeadh sé síth a mhaighistir, nach le
ceannuibh na ndáoine so?
5 Nach é so an Dáibhi dár chan-
dar an tabhrán ó bhéal go beul ann
damhsa, dhá rádh, do mharbh Saul a
mhílte, agus Dáibhi a dheich míle!
6 Ann sin do ghoir Achis Dáibhi
chuige, agus a dubhairt ris, go dearbhtha
mar mhairios an Tighearna, do bhí tú
díreach, & is maith ann mo radharc
do dhul amach & do theachd a steach,
am fhochairsi ann sa tslúagh: óir ní bhfu-
air mé olc ionnad, ón ló fá ttáinic tú
chugam gus a niugh; gidheadh ní bhfuil
fabhar ag na teighearnuibh dhuit.
7 Ar a nadhbharsin fill annois, agus
imthigh a síothcháin, chor nach tui-
fidh tú mícheadfadh thighearnadh na
Bhphilistíneach:
8 Agus a dubhairt Dháibhi re Achis,
ach cred do rinne mé, agus cred fuair
tú ann do shearbhfhoghantuigh an fad
atáim agad gus an ló a niugh, as nach
bhféaduim dul do throid re naimhde mo
thighearna an Rígh?
9 Agus do fhreagair Achis, agus a
dubhairt re Dáibhi, atá a fhios agam-
sa go bhfuil tú go maith am radharc, amh-
uil aingeal Dé: gidheadh a dubhra-
dar prionnsuidhe na Bhphilistíneach, ní
rachaidh sé linne súas chum an chatha.
10 Ar a nadhbharsin anois éirigh
súas go moch ar maidin maille re
searbhfhoghantaibh do mhaighistir tháinic
leachd

..chd, agus cómhlúath agus bheithí
.. go moch ar maidin, agus bhías so-
.. aguibh, ímthighidh.
11 Mar sin déirigh Dáibhi, agus a
..muintir go moch ar maidin, dfil-
..dh go crích na Bhphilistineach, agus
..chuadar na Philistinigh súas go Jes-
..el.

CAIB. XXX.

..n airgeadar na Hamalecitigh Siclag. 18.
..ch do bhean Daibhi an eadáil dìobh a rís.

Agus tárla a nuáir do bhí Dáibhi,
agus a mhuintir ar tteachd go
..ág ar an treas lá, gur ionnsuighea-
..r na Hamalecitigh an táobh ó dheas,
..us Siclag; agus do airgeadar Siclag,
& do loisceadar í le Teinidh.
2 Agus do ghabhadar na mná a
..brighdeanus, noch do bhí ann sin;
..ar mharbhadar éanduine beag nó
.. achd a mbreith léo, agus im-
..thighid rompa.
3 Annsin thainic Dáibhi, agus a mhu-
..ir dón chathruigh, agus feuch do
.. sí loisge ó theinidh, agus a mná, &
a mic, agus a ningheana ar na mbreith
a mbrighdeanus.
4 Ann sin do thóg Dáibhi, agus an
..ntir do bhí na fhochair a nguth,
.. do ghuíleadar nó go rabhadar
.. do ghul.
5 Agus do gabhadh días ban Dáibhi
a mbrighdionus, Ahinoam an Tiesreeli-
..ach, agus Abigail bean Nábal an
Carmeliteach.
6 Agus do bhí Dáibhi lán do dhó-
..lais: óir do luáigheadar na daoine ga-
..dh do chlochuibh air, do bhrígh go
..raibh inntinn na ndaóine uile doilghio-
..ch gach éanduine ar son a mhac, a-
..gus ar son a inghean: ach do ghabh
Dáibhi meisneach chuige féin ann a Thi-
ghearna Día.
7 Agus a dubhairt Dáibhi re Abia-
..ar an sagart, mhac Achimelech, gui-
..dhim thú tabhair chugam annso an
Téphod: agus thug Abiathar an Téphod
..ann chum Dáibhi.
8 Agus dfiafruigh Dáibhi don Tigh-
..earna, gha rádh. a ndéana mé tórui-
..gheachd ar a tslúagh so? an mbéara
mé orra? agus do fhreagair seision é,
.. iad: óir béara tú go deimhin
orra, agus gan chunntabhairt beanfa tú
a ttiomlán díobh.
9 Ann sin dimthigh Dáibhi, agus na sé
chéad fear do bhí na fhochair, & tháinic
.. chum na habhann Besor, mar ar fha-
..nadar an mbéid do fagbhádh na ndiáigh.
10 Ach do lean Dáibhi íad, é féin,
agus ceithre chéad fear; [óir dfana-
..dar dhá chéad oile na ndiáigh nar féud
..dil tar a nabhuinn Besor, do bhádar
..umhlag sin.)
11 Agus fúaradar Egipteach ar
a machaire, agus tugadh chum Dáibhi
é, agus thugadar arán dó, agus dith
.. sin, & thugadar air uisge ól.

12 Agus thugadar píosa do cháca fig-
eadh dhó, & dhá thriopall rísin: & a-
nuáir aduáigh sé sin, tháinic a spiorad ann
a rís: óir ní dhuáigh sé arán, & níor ibh
uisge re trí lá, & lé trí hoidhche.
13 Agus a dubhairt Dáibhi ris, cía
lear leis tusa? & cía has a ttáinic tú?
& a dubhairt seision, óganach don Né-
gipt mé, serbhíseach do Amalaciteach, &
dfág mo mhaighistir mé, do bhrígh gur
ghlac tinnios mé trí la ó shin.
14 Thugamar ionnsuighe ar an ttáobh ó
dheas do na Cheretiteachaibh, agus ar
na gcósta bheanas ré Júdah, & ar an ttá-
obh ó dheas do Cháleb. & do loisgea-
mar Siclag le teine.
15 Agus a dubhairt Dáibhi ris, an
bhféadfa tú misi bhreith síos chum na
cuideachda sin? & a dubhairt seision, ta-
bhair do mhionna dhamh tré Dhía nach
muirfe tú mé, & nach ttiubhra tú a lá-
imh mo mhaighistir mé, & do bhéara
mé síos go nuige an chuideachda thú.
16 Agus a nuair rug sé síos é; feuch
do bhádar ar feadh na talmhan leath-
nuighe, ag ithe, agus ag ól, agus ag damh-
sa ar son mhéid na héadála thugadar léo
amach as crích na Bhphilistineach, &
as tír Júdah.
17 Agus do bhuáil Dáibhi íad ó éi-
rghe an láoi go ttáinig tráthnóna ár na
mbárach: agus níor imthigh duine dhí-
obh, achd ceithre chéad óganach do
chúaidh ar chámhalluibh, & do theith.
18 Agus do bhean Dáibhi amach a
rugadar na Hamalecitigh leó uile, &
do bhean Dáibhi á dhías ban amach.
19 Agus ní raibh éinní dá neasbhuidh
beag no mór, nó mic nó ingheana, no éadáil,
nó einni dá rugadar chucas do bhean Dá-
ibhi amach an tiomlán.
20 Agus do ghlac Dáibhi na tréada
uile, & na healbha, noch do thiomaineadar
roimhe an chuid eile don náirneis, & a
dubhairt sé, Ag so éadáil Dháibhi.
21 Agus tháinic Dáibhi mar a raibh
an dá chéad fear, noch do bhí comhlag
sin nar fhéadadar Dáibhi leanmhuin, noch
air a ttug sé fós fuireach ag abhuinn Be-
sor: & do chuadarsan amach a ccoinne
Dháibhi, & a ccoinne na muintire do bhí
na fhochair; & a núair tháinic Dáibhi a
bhfogus don phobal, do bheannuigh sé
dhóibh.
22 Annsin do fhreagradar na droch-
dhaoine uile, & muintir Bhélial don
druing chuaidh le Dáibhi, & a dubhra-
dar, Do bhrígh nach deachadar linn, ní
thiubhram dhoibh don néadáil do bhean-
namar féin amach, acht dá gach éanduine
a bhean, & a chlann, chor go mbéaruid
síad leó iad, & go nimtheochuid úainn.
23 Annsin a dubhairt Dáibhi ní dhéan-
faoisi mar sin, a dhearbhráithre, ris an ní
thug an Tighearna dhúinn, noch do dhí-
din sinn, & thug an chuideachda thái-
nic ar naghaidh ann ar lámhuibh.
24 Oir cía déistfeadh ribh annsa

chúise ? ach mar bhías cuid an té ra-
chus síos san chath, mar sin bhías cuid
an té fhansus a mbun an charáiste!
roinnfid síad go comhthrom,
25 Agus do bhí sé marsin ón lósin
amach, go ndéarna sé statúid dhe,
águs ordughadh Disrael gus a ni-
ugh.
26 Agus a núair thainic Dáibhi go
Siclag, do chuir sé roinn don néadáil
chum sinnséar Júdah, eadhon chum a
charad, ghá radh, féachuidh ag sin tiodh-
lacadh aguibh do chreich námhad an Ti-
ghearna:
27 Chum na muintire do bhí a
Mbétel, agus chum na muintire do bhí
a Rámot ó dheas, agus gus an luchd
do bhí an Jatir.
28 Agus gus an luchd do bhí ann
Aroer, agus gus an droing dó bhí a
Siphmot, agus gus an droing do bhí
an Estemoa,
29 Agus chum na muintire do bhí
ann Rachal, agus chum na muintire do
bhí a ccaithreachaibh na Jerahmeeliteach,
& cum na muintire do bhí a gcaith-
reachaibh na Cceniteach,
30 Agus chum na muintire do bhí
ann Hormah, agus chum na muintire
do bhí ann Chor-asan, agus chum na
muintire do bhí ann Atach,
31 Agus chum na droinge do bhí
ann Hebron, agus cum na náiteach
uile mar a ngnáthuigheadh Dáibhi féin
& a dháoine, tathuighe.

C A I B. XXXI.

Do thuit Saul ar a chloidhimh fein. 11 Rugadar áitreabhuigh Jabes-Gilead a chorp annas o bhalla Bhet-san.

AGus a nois do throideadar na Phi-
listinigh a naghaidh Israel, & do
theitheadar muintir Israel roimhe na
Philistineachaibh, & do thuiteadar síos
marbh a Slíabh Gilboa.
2 Agus do leanadar na Philistinigh
go crúaidh ar Shaul, agus air a mha-
caibh, agus do mharbhadar na Philisti-
nigh Jonatan, & Abinadab, & Mal-
chisua, mic Shauil.
3 Agus do chúaidh an cath go crua-
dálach a naghaidh Shauil, & damusa-
dar na saigheadóirigh é, & do bhí
na lot go mór ó na saigheadóiribh.
4 An sin a dubhairt Saul re fear io-
chartha a airm, tarruing do chloidh[eamh]
& saith thríomsa é, deagla go d...
sadh an drong neimhthimchillghe-
thasa, & go muirfidís mé, agus
ndéanaidís sgige fúm : ach níor bh...
le fear iomchartha a airm, óir do bh...
sé lán deagla : uimesin do ghlac s...
cloidheamh, agus do thuit sé air.
5 Agus a nuair do chonnairc fear io-
chartha a airm gur éug Saul, do th...
seision mar an gcéadna air a chloidheamh,
& déug sé maille ris:
6 Marsin déug Saul, agus a thrí
mac, agus fear iomchartha á airm, &
a dháoine uile an lá sin féin a n...
fheachd.
7 Agus a nuair do chonncadar clann
Israel, noch do bhí don táoibh oile don
ghleann, & drong do bhí táobh thall do
Jordan, gur theitheadar fir Israel, &
gur eúg Saul, & a mhic, do thréigeadar
na caithreacha, & do theitheadar; &
tangadar na Philistinigh, & do áitre-
bhadar ionta.
8 Agus tárla ar na mhárach, a nuair
thangadar na philistinigh dfaghbhadh na
marbh, go bhfuáradar Saul agus a thri-
úr mac na luighe a slíabh Ghilboa.
9 Agus do bheanadar a cheann de,
& dfaghbhadar as arm é, & do chui-
readar teachda gó dúithche na Phi-
listineach timchioll fá gcuáirt, dhá fhó-
gra a ttigh a niodhal, & a measg an
phobail.
10 Agus do chuireadar a arm a ttigh
Astárot, & do cheangladar a chorp do
bhalla Bhet-san.
11 Agus a núair do chúaladar á-
treabhuigh Jábes.gilead an ní sin do
rinneadar na Philistinigh re Saul:
12 Déirgheadar an mhéid do bhí cur-
ta uile, & do imthigheadar ar feadh na
hoidhche, agus do rugádar corp Shauil,
agus cuirp a mhac ó bhalla Bhet-san,
& tangadar go Jábes, agus do loisge-
dar ann sin iad.
13 Agus do ghlacadar a gcnámha, &
do adhlaiceadar iad faoi chrann ann
Jábes, agus do throisgeadar seachd lá.

AN DARA LEABHAR DO SHAMUEL, DA NGOIRTHEAR DARA LEABHAR NA RIOGH.

C A I B. I.

Bréug an Amaleciтigh na aghaidh féin. 17 Le caói Dhaibhi ofcionn Shauil & Jonatan.

ANois tárla tar éis bháis Shauil,
a nuair do fhill Dáibhi ó
mharbhadh na Namaleciteach, agus
Dáibhi dhá lá na chomhnuidhe ann
Siclag:
2 Tárla, a deirim, an treas lá,
féuch go ttáinic duine ón champa ó
Shaul,

[illegible], agus a éadach brisde, agus cré
a cheann, agus is amhluidh bhí, a
tháinic sé chum Dáibhi, gur thuit
talmhan, agus go ndéarna sé
[illegible]chd.
3 Agus a dubhairt Dáibhi ris, cáit
tháinic tusa? agus a dubhairt sei-
ris, as campa Israel tháinic mé.
4 Agus a dubhairt Dáibhi ris, cion-
do chuáidh an chúis, guidhim thú,
damh! agus do fhreagair seision,
teitheadar cách as an gcath, agus
thuit agus gur marbhadh mórán
phobal, agus go raibh Saul a-
Jonatan a mhac marbh mar an
[illegible].
5 Agus a dubhairt Dáibhi ris a nó-
[illegible] dinnis sin dó, gá fios duitsi
[illegible] Saul agus Jonatan a mhac
[illegible]?
6 Agus a dubhairt an tógánach din-
sin dó, Mar thárla dhamsa do
[illegible] bheith ar shliabh Gilboa,
do bhí Saul na leathluighe ar a
[illegible], agus féuch do leanadar na car-
[illegible], agus an marcshlúagh go géar na
[illegible].
7 Agus a nuáir damhairc sé na dhi-
[illegible] do chonnairc sé misi, agus do
[illegible] orum: agus do fhreagair misi,
[illegible] annso.
8 Agus a dubhairt seision leam, cía
[illegible] agus do fhreagair misi, Amaleci-
[illegible] mé.
9 A dubhairt sé leam a rís, guidhim
[illegible] ar mo mhuin, agus marbh mé:
[illegible] doirbhios orum, do bhrígh
[illegible] manum fós go hiomlán ion-
[illegible].
10 Ann sin do sheas mé air, agus
do mharbh mé é, mar do bhí a dhei-
[illegible] agum nar bhféidir leis a bheith
[illegible], tar éis é thuitim: agus do ghlac
[illegible] an choróin do bhí air a cheann,
agus an bráisléad do bhí fá na láimh,
agus thug mé liom annso íad chum mo
[illegible].
11 Ann sin do rug Dáibhi greim ar
a éadach, agus do réub sé íad, agus
mar an gcéadna an mhéid daóine do
bhí na fhochair.
12 Agus do chumhadar, agus do ghui-
leadar, agus do throisceadar go tráth-
[illegible] ar son Shauil, agus a mhic Jo-
natan, agus ar son phobail an Tigh-
earna, agus ar son thighe Israel; do
bhrígh gur thuiteadar leis an gcloi-
dheamh.
13 Agus a dubhairt Dáibhi ris a nó-
[illegible] dinnis sin dó, cá has duitsi? a-
gus do fhreagair seision, gha rádh, mac
coimhthighidh Amalecitigh mé.
14 Agus a dubhairt Dáibhi ris, Cion-
dus nach raibh eagla ort do láimh shí-
neadh amach do mharbhadh ungthaidh
an Tighearna.
15 Agus do ghoir Dáibhi duine
do na hógánachaibh, agus a dubhairt
ris, éirigh agus siubhail air; agus
do bhuail seision é, go bhfuair sé
bás.
16 Agus a dubhairt Dáibhi ris, bíodh
thfuil ar do cheann féin: do fhiadh-
nuigh do bhéul féin ad aghaidh, ghá
rádh, do mharbh mé ungthach an Ti-
ghearna.
17 Agus do chaói Dáibhi leis an
ccaoineadhso, ós cionn Shauil agus a
mhic Jonatan:
18 Mar an gcéadna daithin sé dhíobh
cleachdadh an bhogha do mhúnadh do
chloinn Iúdah: féach atá sé scríobhtha
a leabhar Iaser.
19 Tá scéimh Israel ar na marbhadh
ar háitibh árda: ciondus ataid na cumh-
achdaigh ar ttuitim?
20 Ná hinnis a Ngát é, ná foillsigh
é a sráidibh Ascelon, deagla go
ndéanaidis ingheana na Bhphilistineach
lúathgháire, deagla go ndéanaidis in-
gheana na neimhthimchillgearrthach
caithréim.
21 A shléibhte Gilboa, ná raibh drúchd
ná fearthuinn oruibh, nó magha ofrá-
la: óir is annsin do teilgeadh go tar-
cuisneach sciath an chumhachduigh sea-
chad, sciath Shauil, mar nach bíadh un-
gtha le hola.
22 O fhuil na marbh, ó mhéathus na
gcumhachdach, níor fhill bogha Jonatain
air ais, agus níor fhill cloidheamh Shauil
folamh.
23 Saul agus Jonatan do bhádar
grádhach sólasach ann a mbeathaidh,
agus ann a mbás níor roinneadh íad:
bá luáithe íad ná ioluir, bá láidre ná
leomhuin íad.
24 Sibhsi a ingheana Israel, guilidh
ós cionn Shauil, noch do chuir culadha
scárlóide oruibh maille re háoibhneas,
noch do chuir córughadh óir air bhur
néaduighibh.
25 Ciondus do thuiteadar na cumha-
chduigh a meadhón an chatha! ó a Iona-
tain, do marbhadh thú ann háitibh árda.
26 Atáimsi doilghiosach thríod, a dhe-
arbhrathair Ionatan: bá rosholásach
dhamhsa thú, dob iongantach do ghrádh
orum ag sarughadh ghrádh na mban.
27 Cionnus do thuiteadar na cumhachd-
uigh, & airm an chogaidh ar nimtheachd!

CAIB. II.

Do ungadh Daibhi na Righ ós cionn Judah
8 *Agus dhearnadh Rí do Isboset ar Israel.*

AGus tarla na dhiáigh so gur fhia-
fruigh Dáibhi don Tighearna,
gha rádh, an racha mé suas go haon
do chaithreachaibh Iúdah? agus a du-
bhairt an Tighearna ris, éirigh suas.
Agus a dubhairt Dáibhi, Cait suas a
racha me? agus a dubhairt seision, Go
Hebron.
2 Marsin do chuáidh Dáibhi suas
annsin, agus fós a dhias ban Ahino-

am an Tiesreeliteach, agus Abigail bean
Nábal an Carmeliteach.
3 Agus rug Dáibhi leis súas a mhuin-
tir do bhí na fhochair, gach uile dhuine
guna theaghlach: agus do chomhnui-
gheadar a ccaithreachaibh Hébron.
4 Agus tangadar muíntir Júdah,
agus do ungadar Dáibhi ann sin na
Righ ós cionn thighe Júdah: agus
dinnisiodar do Dháibhi, gha rádh, dob
íad muintir Jabes-gilead do adhluic
Saul.
5 Agus do chuir Dáibhi teachda go
muintir Jabes-gilead, agus a dubhairt sé
riu, go madh bennuigh sibh ón TTigh-
earna, noch do thaisbéin an cinéulsa dá
bhur ttighearna, do Shaul, agus do
adhlaic é.
6 Agus a nois go ttaisbéanuigh an
Tighearna dhaóibhse cinéul agus fí-
rinne: agus cúiteochuidh misi fós an
cinéulsa ribh, do bhrigh go ndéarna-
bhair an nise.
7 Ar a nadhbharsin anois bidís bhur
lámhasa ar na neartughadh, agus bíthí
curata; óir fuáir Saul bhur maighistir
bás, agus mar an gcéadna do unga-
dar tigh Júdah misi am Rígh ós a
gcionn.
8 Ach do ghlac Abner mhac Ner,
caiptín slóigh Shauil, Isboset mhac
Sauil, agus thug leis a nall go Maha-
naim é.
9 Agus do rinne sé Rígh ós cionn
Ghilead dhe, agus ós cionn na Na-
súriteach, agus ós cionn Jesreel,
agus ós cionn Ephraim, agus ós ci-
onn Bhenjamin, agus ós cionn Is-
rael uile.
10 Do bhí Isboset mhac Sauil ceath-
rachad bliadhan daóis a nuair do thi-
onsguin sé righe ós cionn Israel, agus
do bhí na Righ dhá bhliadhuin: achd
do lean tigh Júdah Dáibhi.
11 Agus ba hé uibhir na láetheadh
do bhí Dáibhi na Righ ann Hébron ós
cionn thighe Júdah, seachd mbliadhna
agus sé mhí.
12 Agus do chuáidh Abner mhac
Ner, agus searbhfoghantuighidh Isbóset
mhic Sauil, amach ó Mhahanaim go
Gibeon.
13 Agus do chuaidh Jóab mhac Ser-
uiah, agus searbhfhoghantuighidh Dhá-
ibhi amach, agus tárla dhá cheile íad
ag lochan Ghibeon: agus do shuigheadar
síos, drong aca a ttáobh don lochán,
agas drong don taóibh oile don lo-
chán.
14 Agus a dubhairt Abner re Ióab,
éirghidís na hógánuigh anois, agus dé-
indís súgradh as ar ccoinne. Agus a
dubhairt Ióab, éirghidís.
15 Annsin do éirigh, agus do chuaidh
a nonn a nuibhir dhá fhear dhéag do
Bhenjamin, noch do ghabh le Isbóset
mhac Sauil, agus dá fhear dhéag do
shearbhfhoghantaibh Dháibhi.
16 Agus do ghlac gach áon
a chompanách ar cheann, agus
shaith a chloidheamh a ttáobh a ch
pánuigh, ionnus gur chomhthuitid
ibh: uimesin do goireadh don
sin Helcat-hassurim, noch atá a N
beon.
17 Agus do bhí cath ro dhoilghe
lá sin ann: agus do buáileadh Ab
agus muintir Israel as coinne sherbh
seach Dháibhi.
18 Agus do bhádar trí mic Sheruiah
annsin, Ióab, agus Abisai, agus Asahel:
agus do bhí Asahel comhluath
chois lé eilit an mhacaire.
19 Agus do lean Asahel a ndiaigh
Abner, agus ag imtheachd dhó
chas sé ar a láimh dheis nó chlé
thóruigheachd Abner.
20 Annsin dféach Abner na dhiaigh,
agus a dubhairt, an tú Asahel? agus
do fhreagair seision, is mé.
21 Agus a dubhairt Abner ris,
do leath taóibh ar do láimh dheis nó
chlé, agus glac duine do na hógan-
chaibh, agus glac a éadail chugad;
acht níor bháill le Asahel silleadh ó
na leanmhuin sion.
22 Agus a dubhairt Abner a ris re
Asahel, fill ó bheith dom leanmhuin;
cred fá mbuailfinnsi thú go talamh?
cionnus annsin do thaisbeanfuin m'a-
ghuidh do Ióab do dhearbhrathair?
23 Gidheadh do dhiult seision
filleadh do leathtaoibh: uimesin do
bhuáil Abner é do cheann gatha
faói an cúigeadh easna, ionnus go
ttáinic an gath amach air a chúl;
agus do thuit sé ann sin; agus dhég
sé san náit chéadna: agus tárla an
mhéid tháinic go nuige a náit ar
thuit Asahel síos, agus a bhfuair sé bás,
gur fhanadar na seasamh.
24 Do lean Ióab mar an gcéadna,
agus Abisai a ndiáigh Abner, agus
do chuáidh an ghrian faói a nuáir than-
gadar go cnoc Ammah, noch atá a
radharc Ghia ar slighe fhásaigh Ghi-
beon.
25 Agus do chruinnigheadar clann
Bhenjamin íad féin a gcionn a chéile a
ndiáigh Abner, agus tangadar a néan-
chuideachda amháin, agus do sheasadar
ar mhullach cnoic.
26 Annsin do ghoir Abner ar Ióab,
agus a dubhairt, An mbía an cloidheamh
ag marbhadh choidhche? nach bhfuil a
fhios agad go mbiáidh sin na shear-
bhas fá dheireadh? uime sin ga fad
a bhias súil déaras tú ris na dáoi-
nibh filleadh ó leanmhuin a ndearbhra-
ithreach?
27 Agus a dubhairt Ióab, mar
mhairios Día, muna bheith gur labhair
tú, go deimhin is air maidin do ra-
chadh an pobal súas gach éanduine ó
leanmhuin a dhearbhrathar.

28 Iarsin

28 Iarſin do ſhéid Ióab a ſtoc,
do ſheaſadar an pobal uile na
ghaidh, agus níor leanadar níos
a ndiáigh Iſrael, agus níorthroidea-
níos mó.
29 Agus do bhí Abner, agus a mhuin-
ag ſiubhal ar feadh na hoidhche
tid an réiteach, agus do chuadar
Iordan, agus dimthigheadar tré
ron uile, agus tangadar go Maha-
im.
30 Agus d'fhill Jóab ó thóruigheachd
ner, agus a nuáir do chruinnigh ſé
pobal uile a gcionn a chéile, do
ghaigh náoi bhfir dhéug, agus Aſahel
mhuintir Dháibhi.
31 Ach do bhúaileadar ſearbhſoghan-
uidh Dháibhi do Bhenjamin agus do
uintir Abner, iondus gur éagadar
chéid agus trí fithchid dhíobh.
32 Agus do thógbhadar leó Aſahel,
do adhlaiceadar é a ttúama a
a Mbet-lehem: agus dimthigh
agus a mhuintir ar feadh na hoi-
dhche, agus tangadar go Hébron ag éir-
ghe an lae.

CAIB. III.

...ag fagbhail Isboſet, 12 *Do cheángal é féin rè Daibhi.* 27 *Do mharbhadh le Jóab,* 33 *Agus do chaóineadh rè Daibhi, &c.*

ANois do bhí cogadh fada eidir thigh
Shauil agus tigh Dháibhi: achd
do bhí Dáibhi ag dul air a aghaidh
a neart, agus tigh Shauil ag dul a
lag.
2 Agus rugadh mic do Dháibhi ann
Hébron, agus do bé a chéad mhac,
Amnon, re Ahinoam an Tieſrieelteach.
3 Agus a dhara mac, Chíleáb,
re Abigail, bean Nábal an Carmelí-
teach: agus an treas mac Abſolon,
mhac Maacah, inghean Thalmai Rígh
Gésur.
4 Agus an ceathramhah mac, Ad-
onijah mhac Haggit: agus an cúi-
gedh mhac, Sephatia mhac Abital.
5 Agus an ſeiſeadh mác, Itream,
re Heglah bean Dháibhi: ſiad ſo ru-
gadh do Dháibhi ann Hébron.
6 Agus tárla an feadh do bhí co-
gadh idir thigh Shauil agus tigh Dhá-
ibhi, go ndéarna Abner é féin láidir
do thigh Shauil.
7 Agus do bhí leannán ag Saul dar
bhainm Riſpah inghean Aiah: agus a
dubhairt Isbóſet re Abner, cred far
luigh tú lé leannán mathar?
8 Ann ſin do bhí Abner ro fheargach
tré bhríathraibh Isbóſet, agus a du-
bhairt ſé, an ceann madruidh miſi?
noch thaisbeanus cinéul a niugh a na-
ghaidh Iúdah do thigh Shauil ha-
thairſi, dá dhearbhráithribh, agus dá
cháirdibh, agus nar ſheachaid mé
thuſa a láimh Dháibhi, as a bhfuil
tú a niugh ag cur choire am leith a
ttáobh na mnáſa?
9 Go madh marſin do dhéanas Día
re Habner, agus fós níos mó, mar do
mhionnuigh an Tighearna do Dháibhi
muna ndéarna miſi mar ſin dó:
10 An ríoghachd atharrughadh ó
thigh Shauil, agus cathaóir Dháibhi
chur ſuas ós cionn Iſrael, agus ós cionn
Iúdah ó Dhan air fad go Beer-ſéba.
11 Agus níor fhéad ſé éanfhocal frea-
gartha do thabhairt ar Abner a rís,
do bhrígh go raibh eagla air ro-
imhe.
12 Agus do chuir Abner teachda
chum Dáibhi dhá tháoibh féin, ga rádh,
cia ler leis an dúithche? ga rádh fós,
déana ceangal riomſa, agus féach biáidh
mo lamh leachd do thabhairt Iſrael uile
timchioll chugad.
13 Agus a dubhairt ſeiſion, is maith
ſin, do dhéanſa ceangal riot: achd
éinni amháin iarrum ort, eadhon ní
fhaicfidh tú mo ghnúis muna ttuga
tú Michal inghean Shauil leachd a
chéaduair, an tan thiucfas tú dom
lathair.
14 Agus do chuir Dáibhi teachda chum
Isbóſet mhac Sauil, gha rádh, tabhair
dhamhſa mo bhean Michal, noch do
phós mé dhamh féin, ar ſon chéad réamh-
chroiceann do na Philiſtinibh.
15 Agus do chuir Isbóſet fios uirre,
agus thug ó na fear í, eadhon ó Phal-
tiel mhac Lais.
16 Agus do chuáidh a fear lé ar fad
ag gul na diáigh go Bahurim: annſin
a dubhairt Abner ris, imthigh agus
fill; agus do fhill ſé.
17 Agus do chomhráidh Abner re
ſeanoíribh Iſrael, ghá rádh, díarra-
bhair roimheſo Dáibhi bheith na
Rígh oruibh.
18 Annois cheana déanuidh é: óir do
labhair an Tighearna a ttáobh Dháibhi,
dha rádh; le láimh mo ſhearbhſhóghan-
tuigh Dáibhi tharthochus miſi mo pho-
bal Iſrael ás láimh na Bhphiliſtíneach,
agus as láimh a námhad uile.
19 Agus do labhair Abner mar
an gcéadna a gcluáſaibh Bhenjamin;
agus do chuaidh Abner mar an
gcéadna do labhairt a ccluáſaibh
Dháibhi ann Hébron a nuile ní dar
thaitin le Iſrael agus dar thaitin le
tigh Benjamin uile.
20 Annſin tháinic Abner chum
Dháibhi ann Hébron, agus fichche
fear leis: agus do rinne Dáibhi féa-
ſta do Abner, agus don mhuintir do
bhí na fhochair.
21 Agus a dubhairt Abner ré Dái-
bhi, éireochaidh miſi, agus imtheocha
mé,

mé, agus cruinneochad Iſrael uile chum
mo thighearna an Rígh, chor go ndéa-
nuid ceangal riot, agus go mbía tú ad
Rígh ós cionn gach ar mian led mhean-
muin. Agus do chuir Dáibhi Abner ar
ſiubhal, agus dimthigh ſé a ſíoth-
chain.
22 Agus féach thangadar ſearbhſho-
ghantuighidh Dhaibhi agus Ioab ó thó-
ruigheachd buidhne, agus tugadar
éadáil mhór leó: (ní raibh Abner a
bhfochair Dháibhi ann Hébron, óir do
chuir ſé ar ſiubhal é, agus dimthigh ſe a
ſíothcháin.)
23 A nuair tháinig Ióab, agus an
ſluágh do bhí na ſhochair uile, dinni-
ſiodar do Ióab, dha rádh, táinig Abner
mhac Ner chum an Rígh, agus do
chuir ſé ar ſiubhal é, agus dimthigh
ſé a ſíothcháin.
24 Ann ſin tháinic Ióab chum an
Rígh, agus a dubhairt ſé, cred an ní
ſo do rinne tú? Féach, tháinig Abner
chugad, cred fár chur tú air ſiubhal é,
agus dimthigh ſé thríd amach.
25 As aithnidh dhuitſe Abner mhac
Ner, gur dot mhealladh tháinic ſé; agus
dfaghail feaſa do dhula amach, agus do
theachd a ſteach, agus dfios a nuile
neithe dá ndéan tú.
26 Agus a nuair tháinic Ióab amach
ó Dháibhi, do chuir ſé teachda a ndi-
aigh Abner, noch thug air ais é ó tho-
bar Sirah: ach ní raibh á fhios ag
Dáibhi.
27 Agus a nuair dfill Abner go Hé-
bron, rug Ióab leis do leathtaoibh
é, annſa gheata do labhairt go ſíoth-
chánta ris, agus do bhuail ſé ann ſin é,
faoi an gcúigeadh eaſna, go bhfúair
ſé bás, ar ſon ſola a dhearbhráthar
Aſahel.
28 Agus na dhiaigh ſin, a nuair do
chúalaidh Dáibhi é, a dubhairt ſé, A-
táimſe agus mo ríoghachd nemhchion-
tach a lathair an Tighearna go bráth
ó fhuil Abner mhic Ner.
29 Comhnuigheadh ſí ar cheann Ióab,
agus ar thigh a athar uile, agus nar
theaſduigh ó thigh Ióab duine ar a
mbía créachd ſhillte, nó bhías na lo-
bhar, nó dar budh éigin ſiubhal le bata,
nó thuitſios ar an gcloidheamh, no ar a
mbía easbhaidh aráin.
30 Marſin do marbhadh Abner le Ió-
ab, agus lé Abiſai a dhearbhrathair, do
bhrigh gur mharbh ſeiſion Aſahel a
ndearbhrathair annſa troid ag Gibeon.
31 Agus a dubhairt Dáibhi re Ióab,
agus ré a raibh na ſhochair, briſidh bhur
néaduighe, agus gabhuidh ſibh féin a
ſaic-éadach, agus caóinidh roimhe Ab-
ner; agus do lean Dáibhi an Rígh
féin an cróchar.
32 Agus do adhlaiceadar Abner ann
Hébron, agus do thóg an Rígh a ghuth
ſúas, agus go ghuil ſé ar uáighe
Abner, agus do ghuil an pobal uile.
33 Agus do chaói an Rígh ós cionn
Abner, agus dubhairt, An bhfuáir Abner
bás mar éugas amadán?
34 Ní rabhadar do lámha ceang-
te, ní mó do bhádar do choſa a ng-
bhionn: mar thuitios duine a láthair
dhaóine coirpe, is mar ſin do thuit
tuſa. Agus do ghuiliodar an pobal uile
a rís ós a chionn.
35 Agus a nuáir tháinig an po-
bal uile dá thabhairt air Dháibhi
bíadh ithe an ſeadh do bhí fós na lá,
thug Dáibhi a mhionna, dhá rádh,
Déanadh Día mar ſúd riómſa, agus
tuilleamh fós, má bhlaiſim arán no
éainní oile nó go neachuidh an ghrian
faói.
36 Agus tugadar na daóine uile
da naire é, agus do thaithin ſé
ríu: amhuil gach a ndéanadh an
Rígh do thaitnigheadh ſé ris an bpo-
bal uile.
37 Oír do thuig an pobal uile, a-
gus do thuig Iſrael uile an lá ſin, nach
ón Rígh tháinic, gur marbhadh Abner
mhac Ner.
38 Agus a dubhairt an Rígh re na
ſherbhiſeachaibh uile, Nach bhfuil a
fhios agaibh gur thuit prionnſa agus
duine mór a niugh a Niſrael?
39 Agus atáimſi a niugh lag, gé
táim am Rígh ungtha, agus atáid an
mhuíntirſi mic Sheruiah rochruáidh
dhamh: do bhéara an Tighearna a
luáigheachd dfior a nuilc do dhéanamh,
do réir a chionta.

CAIB. IV.

Do dhíoghail Daibhi ar Baanab & Rechab marbhadh Iſboſet.

AGus a nuáir do chúalaidh mac
Shauil gur marbhadh Abner ann
Hébron, dfaſadar a lámha lag, agus
do bhí Iſrael uile buáidhleartha.
2 Agus do bhí ag mac Shauil
días fear, caiptínigh ar chuideachd-
uibh: budh é ainm duine dhíobh
Baanah, agus ainm a nfir oile Réchab,
mic Rimmon Beerotíteach, do chloinn
Bheniamin: óir do báirmheadh Beerot
fós do Bheniamin.
3 Agus do theitheadar na Beero-
tigh go Gittaim, agus do chomnui-
gheadar ann ſin gus a niugh.
4 Agus do bhí mac ag Ionatan
mhac Saúil, do bhí bacach ann a
choſuibh, agus do bhí a ccionn a
chúig mblíadhan a nuáir tháinic ſgéala
ó Shaul, agus ó Ionatan as Iefreel, agus
do thóg a bhanaltra lé é, agus do
teith ſí leis: agus tárla mar do
bhí ſi ag déanamh deithnis re te-
theamh gur thuit ſé, agus go ndéar-
nadh bacach é; agus ſé dob ainm
dhó Mephibóſet.
5 Agus do chúadar clann Rimmon,
an

an Beerotiteach, Rechab agus Baanah,
[...] tangadar timchioll theaſa an laói
go tigh Isboſet, noch do luidh ar a
leabuidh ſan meadhon laói.
6 Agus tangadar annſin go lár an
tighe mar do thiucfaidis ar cheann
cruithneachda ; agus do bhuáileadar é
ſan an ccúigeadh eaſna, agus do chu-
aidh Rechab agus Baanah a dhearbhra-
thair as.
7 Óir a nuáir thangadar don tigh, do
bhí ſeiſion na luidhe ar a leabuidh ann
a ſheomra codalta, agus do bhuáilea-
dar é, agus do mharbhadar, agus do
dhícheannadar é, agus rugadar a che-
ann leo, agus dímthigheadar rompa
tríd an réiteach ar feadh na hoidhche.
8 Agus thugadar ceann Iſboſet chum
Dáibhi go Hébron, agus a dubhradar
ris an Rígh, féuch ceann Isboſet mhic
Saul do námhuid, do ſhir do bhás; a-
gus do rinne an Tighearna dioghaltus
mo thighearna an Rígh a niugh ar
Saul, agus ar a ſhliochd.
9 Agus do fhregair Dáibhi Rechab
agus Baanah a dhearbhrathair, mic Rim-
mon an Beerotiteach, agus a dubhairt
ríu ; mar mhairios an Tighearna, noch
do ſaor m'anam as gach uile ghábhadh,
10 A nuáir dinnis duine dhamh,
dhá rádh, atá Saul marbh, dá mheas
go ttug ſé ſcéula maithe chugamſa ; do
rug miſi air, agus do mharbh mé é ann
Siclag, an té do ſhaóil go ttiubhruinn
luach a ſgéuluigheachda dhó.
11 Gá mhéid ós a chionn ſin a nu-
áir do mharbhadar droch dhaoine duine
fíreanta ann a thigh féin ar a leabuidh ?
noch iarrſa miſi air a nadhbharſin an-
ois a ſhuilſion as bhur lámhuibhſi,
agus ſibhſi thógbháil do dhruim na
talmhan ?
12 Agus dfúagair Dáibhi dá ógana-
chaibh, agus do mharbhadar íad, agus
do ghearradar a lámha agus a ccoſa
dhíobh, agus do chrochadar ſúas íad
ós cionn an locháin ann Hébron : achd
do thógbhadar ceann Isboſet, agus do
adhlaiceadar é a ttúama Ábner ann
Hébron.

CAIB. V.

[...] Iſrael air, 6 & iomdha buaigh [...] do mheúduigheadh & do dhaingnigheadh Rígheachd Dhaibhi.

AN ſin thangadar treabha Iſrael
uile chum Dáibhi go Hébron, a-
gus do Labhradar, dhá radh, féach
is ſinne do chnáimh, agus thfeóil.
2 Mar an gcéadna roimhe ſo a nu-
áir do bhí Saul na Rígh ós ar gcionn,
ba tuſa an té do threóruigheadh a-
mach agus do bheireadh a ſteach Iſ-
rael : agus a dubhairt an Tighearna ri-
ot, Beathochuidh tú mo phobal Iſrael,
agus biáidh tú ad chaiptín os cionn Iſ-
rael.
3 Mar ſin thangadar ſinnſir Iſrael
uile gus an Righ go Hébron, agus
do rinne Dáibhi Rígh, ceangal ríu ann
Hébron, a bhfiaghnuiſi an Tighearna :
agus do ungadar Dáibhi na Rígh ós
cionn Iſrael.
4 Do bhí Dáibhi tríochad blíadhan
daóis, a nuáir do thoſuigh a ríoghachd,
agus do bhí ná Rígh ceathrachad blía-
dhan.
5 Do bhí na Rígh ann Hébron ós
cionn Iúdah ſeachd mblíadhna, agus ſé
mhí: agus do bhí na Rígh ann Ieruſalem,
tríochad agus trí bhlíadhna ós cionn
Iſrael uile, agus Iúdah.
6 Agus do chuáidh an Rígh, agus a
mhuintir go Hieruſalem gus na Iebu-
ſiteachaibh, eadhon áitreabhuigh na tíre,
noch do labhair re Dáibhi, dhá rádh,
Muna mbeiridh tú an dall, agus an
bacach as ſo, ní thiucfa tú a ſteach ; ga
ſmuaineadh, ni fhéadann Dáibhi teachd
a ſteach annſo.
7 Gidheadh do ghabh Daibhi dain-
gean neartmhar Shioin: ſi ſin féin cathair
Dháibhi.
8 Agus a dubhairt Dáibhi an láſin,
gidh bé rachus ſúas annſa ghúitear, a-
gus bhuáilfios na Iebuſitigh, agús na
bacaigh, agus na daill air a bhfuil
fuath ag croidhe Dháibhi, ſé bhus ceann
agus bhus caiptin : ar a nadhbharſin a
dearthar, ní thiucfaidh an dall nó an
bacach don tigh.
9 Marſin do chomhnuigh Dáibhi
annſa náit dhaingin, agus do ghoir
ſé cathair Dháibhi dhe : agus do
rinne Dáibhi fairgneamh timchioll
fa gcuairt ó Mhillo, agus a ſteach
thairis.
10 Agus do chuáidh Dáibhi ar a
aghaidh, agus dfás ſé go mór, agus
do bhí an Tighearna Día na ſlógh
ris.
11 Agus do chuir Hiram Rígh Tír
teachda chum Dáibhi agus crainn Chéa-
dair, agus ſaóir chrainn agus chloiche,
agus do rinneadar tigh do Dháibhi.
12 Agus do chonnairc Dáibhi gur
dhaingnidh an Tighearna é na Rígh ar
Iſrael, agus gur árduigh ſé a ríoghachd
áir ſon a phobail Iſrael.
13 Agus thug Dáibhi chuige tuil-
leamh leannán agus ban as Ieruſalem,
tar éis a theachd as Hébron : agus
rugadh fós mic agus ingheana do
Dháibhi.
14 Agus ſiad ſo anmanna an
mhéid rugadh dhó ann Ieruſalem. Sam-
mua, agus Sóbab, Nátan, agus So-
lomon,
15 Ibchar fós, agus Eliſua, agus Ne-
pheg, agus Iaphia,
16 Agus Eliſama, agus Eliada, agus
Eliphalet.
17 Achd a núair do chúaladar na
Philiſtinigh gur ungadar Dáibhi na
Rígh ós chionn Iſrael, tangadar na
Philiſ-

Philistinigh suas uile diarruidh Dhái-
bhi; agus do chúaluidh Dáibhi sin,
agus do chúaidh sé sios don náit
dhaingin.
18 Achd a nuair tangadar na Philisti-
nigh, agus do leathnuigheadar íad fein
a ngleánn Rephaim:
19 Do chomhairligh Dáibhi ris an
TTighearna, dha rádh, an racha mé
suas chum na Bhphilistineach? an seacho-
da tusa am laímh íad? agus a dubhairt
an Tighearna ré Dáibhi, imthigh súas;
óir gan amharus do bheára misi na Phi-
listinigh ad laimh.
20 Agus tháinig Dáibhi go Baal-Pe-
rasim, agus do bhúail Dáibhi annsin
iad, agus a dubhairt sé, Do bhris an
Tighearna romham amach ar mo ná-
mhaid, amhuil briseadh na nuisgeadh.
Uimesin do ghoir sé Baal-Perasim dainm
don náitsin.
21 Agus dfágbhadar a níomháigheadh
annsin, agus do loisg Dáibhi agus a
mhuintir íad.
22 Agus do chuadar na Philistinigh
súas fós a rís? agus do leathnuigheadar
iad féin a ngleann Rephaim.
23 Agus a nuair dfiafruigh Dáibhi
don Tighearna, a dubhairt sé ris, ní
racha tú súas, ach tárr timchioll na
ndiaigh, agus tárr orra as coinne chrann
na sméur.
24 Agus go madh amhluidh bhiás,
a nuair chluinfios tú torann dula a
steach air mhullach na ccrann sméur,
gurob annsin chorrochus tú thú féin:
óir is ann sin rachus an Tighearna
amach romhad do bhúaladh sloigh na
Bhphlistineach.
25 Agus do rinne Dáibhi sin mar
do aithin an Tighearna dhe, agus do
bhúail sé na Philistinigh ó Ghéba, nó
go ttí tú go Gáser.

CAIB. VI.

Aasgbrádh Dhaibhi. 6 *Dánadas Ussah.*
20 *Agus imdheargadh Mhichal.*

1 ARís do chruinnigh Dáibhi a bhfochair
a chéile daóine toghtha Israel uile,
eadhon triochad míle.
2 Agus déirigh Dáibhi, agus do chu-
áidh guna raibh malle ris dá mhuintir ó
Bhaal-Júdah do thabhairt Airce Dé a
núas as sin, noch ainmnighear tré ainm
Thighearna na slógh, noch chomhnui-
gheas idir na Cherubínibh.
3 Agus do chuireadar Airc Dé
ar chairt núaidh, agus tugadar leó
amach í as tigh Abinadab, noch do
bhi a Ngibeah: agus do thiomain
Ussah agus Ahio, dias mac Abinadab,
an chairt núadh.
4 Agus tugadar amach as tigh Abi-
nadab í, noch do bhí a Ngibeah:
ag tabhairt chuideachda Dáirc Dé,
agus do ghluais Ahio roimhe an Náirc.
5 Agus do shinn Dáibhi, agus tigh
Israel uile a lathair an Thighearna ar
gach uile [adhbha chiúil] dfoda
bhadh giumhuis, eadhon ar chláirsea-
chaibh, agus ar shaltrachaibh, agus
ar thiompánuibh, agus ar choirnéidibh,
agus ar Chimbaluibh.
6 Agus a núair thangadar go lá
búailte Nachon, do chuir Ussah a lámh
amach chum Airce Dé, agus do ghabh
greim uirre: óir do chroitheadar na
daimh í.
7 Agus do las fearg an Tighearna
a naghaidh Ussah, agus do bhúail Dia
ann sin é ar son a earráide, agus
fuáir sé bás ann sin láimh re hAirc
Dé.
8 Agus do bhi Dáibhi doirbh, do
chionn go ndéarna an Tighearna bri-
seadh ar Ussah: agus thug sé ainm ar
an náitsin Peres-Ussah gus an lá a
niugh.
9 Agus do bhi eagla an Tighearna
ar Dhaibhi an lásin, agus a dubhairt
sé, cionnus thiucfas Airc an Tighearna
chugamsa?
10 Marsin níor bháill lé Dáibhi Airc
an Tighearna do chorrughadh chuige
féin, go cathruigh Dhaibhi: ach rug
Dáibhi leis do leathtaoibh í, go tigh
Obed-edom an Gititeach.
11 Agus dfan Airc an Tighearna a
ttigh Obed-edom an Gititeach trí míi:
agus do bheannuigh an Tighearna O-
bed-edom, agus muintir a thighe uile.
12 Agus do hinnseadh do Dháibhi
Righ, gha rádh, do bheannuigh an Ti-
ghearna tigh Obed-edom, agus a raibh
ní dar bhean ris ar son Airce Dé.
Ann sin dimthigh Dáibhi, agus rug
suas Airc Dé as tigh Obed-edom go
cathruigh Dhaibhi maille re gáirdeachus.
13 Agus is amhluidh bhí a núair do
imthighedis an mhuintir dioncháir
Airc an Tighearna sé choiscéim, do
íodhbradh sé daimh, agus méathuradh.
14 Agus do rinne Dáibhi damhsa
as coinne an Tighearna le na uile neart,
agus do bhí Ephod línéaduigh gabhtha
um Dhaibhi.
15 Marsin thug Dáibhi, agus tigh
Israel uile Airc an Tighearna suas
maille re gártha, agus le fuaim na
stuic.
16 Agus a núair tháinic Airc an
Tighearna go cathruigh Dhaibhi,
dféach Michal, inghean Shauil, as
fhuingeóig, agus do chonnairc sí Dá-
ibhi Righ ag leimnigh, agus ag
damhsa as coinne an Tighearna;
águs do tharcuisnigh sí é ann a
croidhe.
17. Agus tugadar a steach Airc an
Tighearna, agus do chuireadar na
suighe ann a hait féin í, a lár an ta-
bernacuil, noch do chuir Dáibhi sua
di: agus do iodhbuir Dáibhi osrál
loisge.

, agus iodhbartha ſiothchána a la-
an Tighearna.
18 Agus comhlúath is chríochnuigh
Dáibhi ofráil na híodhbartha loiſge,
na híodhbartha ſiothchána, do bhe-
nuigh ſé an pobal a nainm Thighear-
na an ſlógh.
19 Agus do roinn ſé a measg an pho-
uile, a measg choimhlín iomláin Iſ-
, do na mnáibh fós agus do na
, dá gach uile dhuine bairghin
, agus ſpólla feóla, agus flaigín
] na dhiáigh ſin dimthigh an
pobal uile gach áon dá thigh féin.
20 Annſin dfill Dáibhi do bheannu-
a theaghluigh: agus tháinic Mí-
inghean Shauil amach na choinne,
a dubhairt ſi, cread é a ghlórmh-
do bhí Rígh Iſrael a niugh, noch
nochd é féin a namharc chailíneadh
ſherbhíſeach, mar nochdus áon do na
díomhaóin é féin go mionái-
?
21 Agus a dubhairt Dáibhi re Michal,
do lathair an Tighearna noch do
misi roimhe hathairſi, agus roi-
thigh uile, dom órdughadh mar
ós cionn phobail an Tighear-
, ós cionn Iſrael: uime ſin do dhéana
áirdeachus a lathair an Tighearna.
22 Agus biáidh mé fós nios tarcuiſ-
ná mar ſo, agus nios uiriſle, ann
radharc féin; agus ag na banógla-
air ar labhair tuſa, acaſin fós
mé a nonóir.
23 Uimeſin ní raibh éinghin chloinne
Michal inghean Shauil go ló a báis.

CAIB. VII.

ag gabbail um Theampul do thóg-
. 4 Do cuireadh cairde ann go teachd

AGus tárla a núair do bhí an Rígh
na ſhuighe iona thigh, agus go
an Tighearna ſuáimhnios dó óna
uile ar gach éantáobh;
2 Go ndubhairt an Rígh ré Nátan an
, féach anois áitreabhuimiſi a ttigh
Cedair, achd atá Airc an Tighearna na
comhnuidhe táobh a ſtigh do chúirtínibh.
3 Agus a dubhairt Nátan ris an
Rígh, éirigh, déana a nuile ní atá fad
inntinn: óir atá an Tighearna ma-
ille leachd.
4 Agus tárla a noidhche ſin go ttá-
inic briathar an Tighearna ga Nátan,
rádh.
5 Eírigh, agus innis dom ſherbhíſeach
Dáibhi gur mar ſo a deir an Tighearna,
a ndéana tú tigh dhamſa chum comh-
nuidhe ann?
6 An tan nar chomhnuigh mé a néa-
intigh ó núair fá ttug mé clann Iſrael
amach as an Négipt gus a niugh; ach
do ſhiubhail mé a bpáilliun, agus a ló-
ſtin.
7 Ann ſna huile áitibh ar ſhiubhail
mé le cloinn Iſrael uile, nar labhair mé
éanfhocal ré héintreibh Diſrael, noch
dar aithin mé mo phobal Iſrael do bhea-
thughadh, gha rádh, cred fá nach ccur-
thaoi tigh Cedair ſúas damhſa?
8 Anois ar a nadhbharſin is mar ſo
déara tú rem ſhearbhſhoghantuigh Dá-
ibhi, Is mar ſo a deir Tighearna na
ſlógh; do thóg miſi thú ó mháinrigh na
gcáorach, ó leanmhuin an tréada, dot
bheith ad ríaghlóir ós cionn mo pho-
bail, ós cionn Iſrael.
9 Agus do bhí mé maille leachd ann
gach uile bhall ar ghabh tú, agus do
ghearr mé amach do naimhde uile as do
radharc, agus do rinne mé ainm mór
dhiot, coſmhuil re hainm na ndaóine
móra atá ar an ttalumh.
10 Os a chionn ſin óirdeochuidh mé
áit dom phobal Iſrael, agus ſuigheochaidh
mé íad, chor go ndéanaid comhnuidh
a náit bhus léo féin, agus nach ccor-
rochuid níos mó: agus nach bhuaidheo-
ruid clann na hurchóide íad feaſda mar
do rinneadar roimhe ſo.
11 Agus amhuil ó nuair fár órduigh
mé breitheamhuin do bheith ós cionn
mo phobail Iſrael, agus thug mé dhuitſe
ſuáimhnios ód naimhdibh uile: mar an
gcéadna atá an Tighearna dá innſin
duit go ndéana ſé tigh dhuit.
12 Agus a nuáir chríochnochar do
láetheſi, agus choidéolus tú a bhfochair
haithreadh, cuirfe miſi do ſhliochd ſúas
ad dhiáigh, noch thiocfas amach as
tínnighibh, agus daingneochuidh mé a
ríoghachd.
13 Do dhéana ſé tigh dom ainm,
agus daingneochuidh miſi cathaóir a
ríoghachdaſan go brath.
14 Biáidh miſi am athair aige, agus
biáidh ſeiſion na mhac agamſa; má
ní ſé éigceart, ſmaichdeochad e lé ſlait
na ndaóine, agus le buillighibh chloinne
na ndaóine;
15 Acht ní dheileochaidh mo thró-
caire ris, mar do rugas í ó Shaul, noch
do chuir mé ar ſiubhal romhadſa.
16 Agus daingneochar do thigh,
agus do ríoghachd go bráth romhad:
daingneochar do chatháoir Rígha go
bráth.
17 Do réir na mbríatharſo uile, agus
do réir na fiſeſi úile, is mar ſin do la-
bhair Nátan re Dáibhi.
18 Agus ann ſin do chúaidh Dáibhi
Rígh a ſteach, agus do ſhuigh a bhfia-
ghnuiſi an Tighearna, agus a dubhairt
ſé, cía miſi, a Thighearna Día, agus cred
é mo thigh, as a ttug tuſa mé go
nuige ſo?
19 Agus fós ba beag ſo ad ra-
dharcſa, a Thighearna Día: ach do
labhair tú mar an gcéadna ar thigh do
ſhearbhſhoghantuigh go cian daimſir: a-
gus a né ſo dligheadh an duine, a Thi-
ghearna Día?
20 Agus cred fhéadus Dáibhi rádh
riot níos mó: óir atá fios do ſhear-
bhſhoghantuigh

bhfoghantuigh agadſa, a Thighearna
Día ?
21 Ar ſon thſocail, agus do réir do
thola féin do rinne tú na neithe móra
ſo uile, do thabhairt air do ſhearbhſho-
ghantuigh a naithneadh.
22 Ar a nadhbharſin atá tú mór, a
Thighearna Día, agus ní bhfuil áon coſ-
mhuil riot ann ; agus ní bhfuil Día ann
táobh amuigh dhiotſa, do réir gach a
ccualamar rer gclúaſaibh.
23 Agus cia an cineadh ar talumh
coſmhuil re do phobalſa, coſmhuil re
Hiſrael, noch a ndeachaidh Día dá bhfu-
aſgladh mar phobal dó féin, agus do
dhéanamh anma dhó, agus do dhéa-
namh neitheadh móra agus úathbháſach
dhuitſi ar ſon do dhúithche, roimhe do
pobal, noch dfúaſguil tú dhuit féin as
an Négipt, ó na cineadhachaibh, agus
ó na ndeeibh ?
24 Oír do dhaingnidh tú dhuit féin do
phobal Iſrael do bheith na phobal agad
go bráth : agus atá tuſa, a Thighearna,
ad Dhía aca.
25 Agus anois, a Tighearna Día, an
focal do labhair tú a ttáobh do ſhear-
bhſhoghantuigh, agus a ttáobh a thighe,
daingnidh é go bráth, agus déana mar
a dubhairt tú.
26 Agus bíodh hainm ar na mhéadu-
ghadh go bráth, gha rádh, ſé Tighearna
na ſlógh as Día ós cíónn Iſrael : agus
daingnithear tigh do ſhearbhſhoghan-
tuigh Dáibhi ad lathair.
27 Oír thuſa aThighearna na ſlógh,
Día Iſrael, dfoillſigh tú dot ſhearbhſho-
ghantuigh,gha rádh, do dhéana mé tigh
dhuit : uime ſin fuáir do ſhearbhſho-
ghantuigh, iona chroidhe a nurnaighſi
dhéanamh chugad.
28 Agus annois, a Thighearna Día, is
tuſa an Día ſin, agus is fíor do bhríathr-
ra, agus do gheall tú an mhaithſi dot
ſhearbhſhoghantuigh.
29 Ar a nadhbharſin anois go madh
toil leachd tigh do ſhearbhſhoghantuigh
do bheannughadh, chor go mairfidh go
bráth ad lathair : óir do labhair tuſa é,
a Thighearna Día, & red bheannughadh
bíodh tigh do ſhearbhſhoghantuigh bean-
nuigh go bráth.

C A I B. VIII.

Buadhughadh Dhaibhi. 9 Tiodhlaicthe na nRí dhóſan. 11 A Thoirbhbeartas fein don Tighearna.

AGus tàrla na dhiáigh ſo gur bhuail
Dáibhi na Philiſtinigh, agus gur
chlaóidh íad : agus do gabh Dáibhi Mé-
teg-Ammah as láimh na Bhphiliſti-
neach.
2 Agus do bhuáil ſé Móab, agus
do thomhuis íad lé córda, dhá tteil-
gion ſios go talamh ; eadhon lé dhá
chórda do thomhuis ſé,do thabhairt báis;
agus le héanchórda iomlán, do chong-
mháil béo ; agus do bhádar na Móabi-
tigh ná ſearbhſhoghantuigh ag Dáibhi,
agus tugadar tiodhlaicthe léo.
3 Do bhuáil Dáibhi mar an gcéadna
Hadadeſer mhac Rehob Rígh Sóbah,
mar do chuaidh ſé do bhuáin a chríche
amach, ag an tſruth Euphrátes.
4 Agus do bhean Dáibhi míle car-
bad dhe, agus ſeachd ccéad marcach, a-
gus fithche míle coiſigh ; agus do gherr
Dáibhi ſpeirreacha each na ccarbad uile,
achd do ſhabháil ſé díol chéud carbad
diobh.
5 Agus a nuáir thangadar Si-
rianuigh Dhamaſcus, do chuidiughadh
le Hadadeſer Rígh Sóbah, do mharbh
Dáibhi do na Síríanachaibh dhá míle
ſhithchiot fear.
6 Annſin do chuir Dáibhi gairioſin a
Síria Dhamaſcus : agus do bhádar na
Sírianuigh na ſerbhiſeachaibh ag Dáibhi,
agus tugadar tiodhlaicthe léo ; agus do
choimhéad an Tighearna Dáibhi an
gach uile bhall ad téigheadh.
7 Agus do thog Dáibhi na ſciatha óir
do bhí ar mhuintir Hadadeſer, & thug
leis go Hieruſalem íad.
8 Agus thug Dáibhi Rígh,ó Bhetah &
ó Bherotai, caithreacha Hadadeſer, ro
íomad práis.
9 A nuair do chúalaidh Toi Rígh He-
mat gur chlaóidh Dáibhi ſlúagh Hada-
deſer uile.
10 Ann ſin do chuir Toi a mhac Jo-
ram chum Dáibhi Rígh, do chur fáilte
roimhe,& dá bheannughadh, tré mar do
throid ſe a naghaidh Hadadeſer, & mar
do chlaóidh ſé é ; (óir do bhí cogadh ag
Hadadeſer re Toi) águs thug Jóram
ſoighthighe airgid, agus ſoighthighe óir,
agus ſoighthighe práis leis ;
11 Noch do bhronn Dáibhi mar an
gcéadna don Tighearna, maille ris a
nairgiod & ris a nór do bhronn ſé, noch
do bhean ſé do na huile chineadhachaibh
do chuir ſé faói :
12 Do Shíría, agus do Mhóab
agus do chloinn Ammon, agus do na
Philiſtinibh, agus do Amalec, agus
déadáil Hadadeſer mhic Rehob Rígh
Sóbah.
13 Agus fuáir Dáibhi ainm a nuair
do ſhill ſé ó ár na Sírianach a ngleann
ann tſaluinn, ar mbualadh ochd míle
dhéug fear.
14 Agus do chuir ſé gairioſin an
Edom, ar feadh Edom uile do chuir ſé
gairioſun : agus do bhádar muintir E-
dom na ſerbhiſeachaibh ag Dáibhi ; agus
do coimhéad an Tighearna Dáibhi ann
gach uile bhall a ngabhadh.
15 Agus do bhí Dáibhi na Rígh ós
cionn Iſrael go hiomlán, agus do rinne
Daibhi breitheamhnus agus ceart dá
dhaóinibh uile.
16 Agus do bhí Jóab mhac Seruiah
ós cionn an tſlóigh, agus Jehoſaphat
mhac Ahilud na ſheanchuigh ;

17 Agus

17 Agus do bhi Sadoc mhac Ahitub,
agus Achimelech mhac Abiatar, na Sa-
gartuibh ; agus Seraiah na scribh-
neoir.
18 Agus do bhi Benajah mhac Je-
hoiada ós cionn na Cheretiteach, agus
na Peletiteach ; agus do bhádar mic
Dháibhi na bpríomhùachdaránuibh.

CAIB. IX.

Iarraidh oifighe Dhaibhi. 7 a Chinéul do Mhephiboset.

AGus a dubhairt Dáibhi, an bhfuil fós
éanduine béo do thigh Shauil, go
dtaisbéanuinn cinéul dó ar son Jona-
tan!
2 Agus do bhí do thigh Shauil fear-
bhfhoghantuigh dar bhainm Siba :
agus a nuair do ghoireadar é chum
Dáibhi, a dubhairt an Rígh ris, an tusa
Siba? agus a dubhairt Siba, is mé do
shearbhfhoghantuigh.
3 Agus a dubhairt an Rígh ris, an
maireann éanduine fós do thigh Shauil,
go bhfoillsighidh mé muinteardhus Dé
dhó! agus a dubhairt Siba ris an Rígh,
atá mac fós ag Jonatan, noch atá bacach
iona chosuibh.
4 Agus a dubhairt an Rígh ris, cáit a
bhfuil sé? agus a dubhairt Siba ris an
Rígh, feach, atá sé a ttigh Mhachir
mhic Ammiel, a Lo-debar.
5 Ann sin do chuir Dáibhi Rígh fios
air, agus thug leis é as tigh Ammiel ó
Lodebar.
6 Anois a nuáir tháinic Mephi-
boset mhac Jonatain mhic Sauil mar a
raibh Dáibhi, do thuit sé ar a aghaidh,
agus do rinne sé umhla : agus a du-
bhairt Dáibhi , a Mhephibóset : agus
do fhreagair seision, féuch do shear-
bhfhoghantuigh.
7 Agus a dubhairt Dáibhi ris, ná
biodh eagla ort : óir go demhin taisbean-
fuidh mise cinéul duit ar son hathar Jo-
natan, agus aiséoca mé dhuit dúithche
Shauil hathar uile, agus iosa tú arán ar
mo bhórdsa a ccomhnuigh.
8 Agus dumhluigh seision é féin, agus
a dubhairt, cred é do shearbhfhoghan-
tuigh as a bhféuchfása ar mo shamuilse
do mhadradh marbh?
9 Ann sin do ghoir an Rígh Siba
searbhfhoghantuigh Shauil chuige, agus
a dubhairt ris, thug mé do mhac do mhai-
ghistir a nuile ní ba le Saul, agus le na
thigh uile.
10 Saothrochtha tusa agus do mhic
ar a nadhbharsin, agus do sherbhisigh
an fearann dó, agus do bhéara tú a
stech an fochar, chor go mbía beatha
ag mac do mhaighistir re ithe: achd
iosa Mephibóset mac do Maighistir a-
rán ar mo bhordsa a ghnáth. Anois do
bhí ag Siba cúig mic dhéug, & fithche
searbhfhoghantuigh.
11 Ann sin a dubhairt Siba ris an
Rígh, do reir a nuile neithe dar fhúa-
gair mo thighearna an Rígh dá shear-
bhfhoghantuigh, marsin do dhéanas
hóglach : ar son Mhephibóset, [ar sa
an Rígh] iosa sé ar mo bhórdsa, mar
áon do mhacaibh an Rígh.
12 Agus do bhí mac óg ag Mephibóset
dar bhainm Micha : agus an mhéid do
bhí a ttigh Shiba bá serbhisigh do Mhe-
phibóset iad.
13 Marsin do chomhnuigh Mephibóset
a Nierusalem : óir do itheadh se a
gcomhnuidhe ar bhórd an Rígh ; agus
do bhí sé bacach iona chosuibh.

CAIB. X.

Do sháruigh Hánun Reachd na nRígheachd. 6 & do dhíoghbla air é.

AGus tárla na dhiáigh so go bhfuair
Rígh chloinne Ammon, bás, agus
gur ríoghaidh Hanun a mhac ann a
áit.
2 Ann sin a dubhairt Dáibhi, taisbean-
fuidh mé muinteardhus do Hanun mhac
Nahas mar do thaisbéin a athair cinéul
damhsa. Agus do chuir Dáibhi daóine
dhá sherbhíseachaibh dá mheisniughadh
ar son a athar. Agus tangadar seirbhi-
sigh Dháibhi a steach go dúithche
chloinne Ammon.
3 Agus a dubhradar prionnsuidhe
chloinne Ammon ré Hanun a ttigh-
earna, An saoileann tusa go ttugann
Dáibhi onóir dot athair, as a ccuir-
feadh sé dáoine dot sholásughadh? nach
é adhbhar far chuir Daibhi a sheirbhísigh
chugad, do spíonadh na caithreacha, &
dá brath, agus dá scrios.
4 Ar a nadhbharsin do ghlac Hanun
serbhisigh Dháibhi, agus do bhearr
dhíobh leath a bhféasóg, agus do ghéarr
a néaduighe iona lár go nuige a másá,
agus do chuir ar siubhal iad.
5 A nuair do innisiodar sin do Dhái-
bhi, do chuir sé airrcis orra, do chionn
go raibh náire mhor ar na daoinibh ;
agus a dubhairt an Rígh riú, fanuidh
ann Jericho nó go bhfásuidh bhur bhféa-
sóga, annsin filligh.
6 Agus a núair do chonncadar clann
Ammon gur bhréanadar a lathair
Dháibhi, do chuireadar clann Ammon
teachda úadha, & do ghlacadar air thua-
rusdal Sirianuigh Bhet-rehob, agus Si-
rianuigh Shoba fithche míle coisigh, agus
ó Rígh Maacah míle fear, agus ó Istob
dhá mhíle dhéug fear.
7 Agus a nuáir do chúala Dáibhi sin,
do chuir se amach Joab agus slúagh na
ndáoine árrachda uile.
8 Agus tangadar clann Ammon
amach, agus do chuireadar an cath a
nórdughadh a ndul a steach an gheata :
agus do bhádar Sirianuigh Shoba,
agus Rehob, agus Mhaacah leó féin sa
machaire.

9 A nuair do chonnairc Jóab go raibh aghaidh an chatha air, roimhe & na dhiáigh, do thogh ſé amach rogha fhear Iſrael, & do chuir a naghaidh na Síriánach íad a nórdughadh,

10 Agus thug ſe an chuid oile don tſluagh a láimh Abiſai a dhearbhrathair, dá ccur a nórdughadh a naghaidh chloinne Ammon.

11 Agus a dubhairt ſé, má bhíd na Sírianuigh ro láidir dhamhſa, tárrſa chuidiughadh riom; & má bhid clann Ammon roláidir dhuitſi, anſin rachadſa chuidiughadh riot.

12 Bíodh meiſneach mhaith agad, & foillſigheam ſinn féin ar bhfearuibh, ar ſon ar bpobail, & ar ſon chaithreacha ar Ndé; & déanadh an Tighearna an ní is maith ann a radharc féin.

13 Agus do dhruid Jóab láimh riú, & na dáoine do bhí na fhochair go nuige an gcath, a naghaidh na Sírianach: & do theitheadar roimhe.

14 Agus a náair do chonncadar clann Ammon gur theitheadar na Sírianuigh, anſin do theitheadarſan mar an gcéadna roimhe Abiſai: & do chuádar a ſteach ſan chathruigh; mar ſin dfill Jóab ó chloinn Ammon, agus tháinic ſé go Hieruſalem.

15 Agus a nuair do choncadar na Sírianuigh gur búaileadh íad féin le Hiſrael, do chruinnigheadar íad féin a cceann a chéile.

16 Agus do chuir Hadareſer teachda uadha, agus thug amach na Sírianuigh noch do bhí táobh thall don nabhuinn: & tangadar go Helam, & Sobach Caiptín ſlóigh Hadareſer rompa.

17 Agus a nuáir do hinnſeadh ſin do Dháibhi do chruinnigh ſé Iſrael uile a gcionn a chéile, & do chuáidh ſé anonn tar Jórdan: & tháinic go Helam; & do chuireadar na Sírianuigh íad féin a nordughadh a naghaidh Dháibhi, & do throideadar ris.

18 Agus do theitheadar na Sírianuigh roimhe Iſrael, & do mharbh Dáibhi luchd ſheachd ccéud carbhad do na Sírianachaibh, & dhá fhithchid míle marcach: & do bhuáil ſé Sóbach caiptín a ſhlóigh, noch ſuair bás ann ſin.

19 Agus a nuáir do choncadar na Ríghthe uile do bhí na ſerbhiſeachaibh ag Hadareſer, gur buáileadh íad féin roimhe Iſrael, do rinneadar ſíothchain ré Hiſrael, agus do rinneadar ſerbhís dóibh: mar ſin dob eaguil leis na Síriánchaibh congnamh ar bith do thabhairt níos mó do chloinn Ammon.

CAIB. XI.

Aiſtleadh Dhaibhi a nadhaltrannas, 14 an nDunmarbhadh.

AGus tárla tar eis na blíadhna do chaitheadh, fá nam a ttéid Ríghthe amach (chum catha) gur chuir Dáibhi Jóab, agus a ſherbhíſigh, agus Iſrael uile amach, agus do ſcriofadar clann Ammon, agus do ſhuigheadar timchioll Rabbah: ach dfán Dáibhi ann Jeruſalem.

2 Agus tárla a naímſir an trathnoná, gur éirigh Dáibhi as a leabuidh, agus go raibh ag ſpaisdeórachd an úachdar thighe an Rígh: agus ó mhullach an tighe do chonairc ſé bean ghá nighe féin, agus do bhí an bhean roſciamhach re féachuin uirre.

3 Agus do chuir Dáibhi fios, & dfiafruigh a ndiáigh na mná: & a dubhairt neach (áirigh) nach í ſo Batſéba, ingheau Elam, bean Uriah an Hititeach?

4 Agus do chuir Dáibhi teachda uadh, & tugadh chuige í, & tháinic ſí a ſteach chuige, agus do luidh ſé lé; (oir do bhí ſí ar na glanadh ó na neamhghlaine) agus dfill ſí dhá tigh féin.

5 Agus do toirrcheadh an bhean, agus do chuir ſí ſcéala uáithe, agus dinnis do Dháibhi, agus a dubhairt, atáim torrach.

6 Agus do chuir Dáibhi ſcéala uadh go Jóab, ghá radh, cuir chugam Uriah an Hititeach: agus do chuir Jóab Uriah go Dáibhi.

7 Agus a núair tháinic Uriah chuige, dfiafruigh Dáibhi dhe, cionnus do bhí Jóab, & cionnus do bhí an pobal, & cionnus do chuáidh an cogadh ar aghaidh?

8 Agus a dubhairt Dáibhi ré Huriah, imthigh ſíos dot thigh, ionnail do chosa: agus dimthigh Uriah as tigh an Rígh, agus do cuireadh comhroinn bhídh na dhiáigh ón Rígh.

9 Ach do choduil Uriah ag doras thighe an Rígh maráon re ſerbhíſeachaibh a thighearna uile, & ní dheachaidh ſé ſíos dha thigh.

10 Agus a nuáir dinnſiodar do Dháibhi, dha rádh, ní dheachaidh Uriah ſíos dha thigh, a dubhairt Dáibhi re Huriah, nach dtáinic tú ód aiſtior? uime ſin créd fa nach deachaidh tú ſíos dot thigh?

11 Agus a dubhairt Uriah re Dáibhi, atá a Náirc, agus Iſrael, agus Júdah a bpáilliûnuibh, agus atá mo thighearna Jóab agus ſerbhíſigh mo thighearna a ccampa ann ſna machairibh réidhe; an racha miſi maſeadh dom thigh féin dithe & dol, & do luighe lem mhnáoi? mar mbairios tuſa, & mar is beó hanum, ní dhéana miſi an ní ſin.

12 Agus a dubhairt Dáibhi re Huriah, fan annſo a niugh mar an gcéadna, agus leigfidh mé dhuit imtheachd a márach: mar ſin dfan Uriah an Ieruſalem an lá ſin, agus ar na mhárach.

13 Agus a nuáir do ghoir Dáibhi air, duáigh ſé, agus dibh ſé iona fhiadhnuiſe, agus do chuir ſé ar meiſge é: & tráthnona do chuáidh amach, do luigh air a leabuidh a bhfochair ſherbhíſeach a thighearna, & ní dheachaidh ſíos dá thigh féin.

14 Agus tárla ar maidin, gur scríobh
Dáibhi litir chum Joab agus do chuir le
láimh Uriah í.
15 Agus do scríobh sé annsa litir
ghá rádh, cuir Uriah a naghaidh an
chatha as láidre, agus fillidh féin uadh
chor go mbuáilfighear, agus go muirsi-
ghear é.
16 Agus tárla a nuáir do mheas
Joab an chathair, gur dhírigh sé Uriah
chum na háite ar bhaithnid dó daóine
gaisgeamhla bheith.
17 Agus do chuadar muintir na
cathreach amach, agus do throideadar
re Joab,& do marbhadh cuid do mhuin-
tir Dhaibhi, agus do thuit Uriah an
Hitíteach mar an gcéadna.
18 An sin do chuir Jóab scéula uadh,
agus dinnis do Dháibhi a ttáobh gach
neithe don chogadh.
19 Agus do aithin sé don teachdaire,
gha rádh, a nuair chríochnochus tú inni-
sin scéal an chogaidh don Rígh.
20 Agus dá tteagmhadh go néireo-
chadh fearg an Rígh, agus go naibéo-
radh sé riot,cred fa ndeachabhair comh-
fhogus sin don chathruigh a nuáir do
throideabhair? nach raibh a fhios aguibh
go caithfidís sibh don bhallá?
21 Cía bhuáil Abimelech mhac Je-
rubbechet? né nach ar chaith bean
cuid do chloich mhuilinn air,don bhalla,
innus go bhfuair sé bás ann Tebes?
cred fá ndeachabhairsi a ngoire an
bhalla? ann sin abairsi, déug do shear-
bhfhoghantuigh Uriah an Hitíteach
mar an gcéadna.
22 Mar sin dimthigh an teachdaire,
agus dinnis do Dháibhi gách éinní ler
chuir Joab é.
23 Agus a dubhairt an teachdaire re
Dáibhi,Go deimhin rugadar na daóine
buaidh oruinn, agus thangadar amach
chugainn san machaire, & do bhámairne
orrtha go nuige an geata.
24 Agus do chaitheadar an luchd
lámhaigh do sherbhísigh don bhalla,
agus do marbhadh cuid do mhuintir an
Righ, agus déug hóglach Uríah an
Hitíteach mar an gcéadna.
25 Ann sin a dubhairt Dáibhi ris an
teachdaire, mar so déara tú ré Jóab,
Ná cuireadh an ní si ort: óir marbhuidh
an cloidheamh duine mar dhuine oile:
déana do chath nios láidre a naghaidh
na cathreach, agus mill í; agus cuirsé
meisneach ann.
26 Agus mar do chúaluidh bean
Uriah gur éug Uriah a fear do cháoin
si ar son a fir.
27 Agus a nuair do scuir aim-
sir a cumha, do chuir Dáibhi fios uir-
re chum a thighe,agus do bhí na mnaoi
aige, agus rug sí mac dhó: ach do
mhíthaitin an ní do rínne Dáibhi ris an
Tighearna.

CAIB. XII.

Achmhasan Nátan do Dhaibhi. 13. *Dad-
mhuigh Daibhi a pheacadh.*

AGus do chuir an Tighearna Nátan
chum Dáibhi, agus tháinic sé chuige
agus a dubhairt ris: do bhádar dias fear
a néanchathruigh; fear aca saidhbhir,
agus an fear oile bochd.
2 Do bhí móran treúd, agus ealbhann
ag an duine shaidhbhir.
3 Acht ag duine bhochd ní raibh
ach amháin éanuan beag bainionn, noch
do cheannuigh se, agus dó bheathuigh
sé: agus dfás sé súas maràon ris féin,
agús re na chloinn: do itheadh sé dhá
bhiadh, & do ibhiodh sé as a chupán
féin, & do luigheadh sé iona bhrollach,
agus do bhí aige mar inghin.
4 Agus tháinic fear sligheadh chum an
duine shaidhbhir,agus do choigil sé buáin
re na thréud féin, nó re na ealbha féin,
do dheasughadh neithe don noidhe, noch
tháinic chuige: achd do ghábh sé uan
an duine bhoichd, agus do dheasuigh é
don duine tháinic chuige.
5 Agus do las fearg Dháibhi go
mór á naghaidh an duine, & a dubhairt
re Nátan; mar mhairios an Ti-
ghearna, an té do rinne sin do thuill
sé bás.
6 Agus cáithfidh sé ceithre huáin do
thabhairt san nuan,do chionn go ndéarna
sé an ní so, agus do bhrígh nach raibh
trócaire ann.
7 Agus a dubhairt Nátan re Dái-
bhi, Is tusa an duine; is mar so a
deir an Tighearna Día Israel, do
unguidh misi thú ad Rígh ós cionn
Israel, agus do sháor mé thú as láimh
Shauil:
8 Agus thug mé tigh do mhaighistir
dhuit, agus mná do mhaighistir ann
huchd, agus thug mé tigh Israel, agus
Júdah dhuit; agus dá mbudh bheag
[leachd] sin, do bhéaruinn duit ós
a chionn sin, a leitheid agus a leithéid
oile so do neithibh.
9 Cred fár tharcuisnigh tú aithne
an Tighearna do dheánamh uilc dá la-
thair? do mharbh tú Uriah an Hiti-
teach leis an ccloidheamh, agus thug tú
a bhean da beith na mnáoi agad féin,
agus do mharbh tú é le cloidheamh
chloinne Ammon.
10 Annois ar nadhbharsin, ní dheileo-
chuidh an cloidheamh re do thigh
choidhche, do chionn mar do tharcuis-
nigh tú misi,agus go ttug tú bean Uriah
an Hitítigh dá beith na mnáoi dhuit féin.
11 Is marso a deir an Tighearna,
Féach, tóigfe misi olc súas ad aghaidh,
amach as do thigh féin: agus beansa
mé do mhná dhiot as coinne do shúl,
agus do bhéara mé dot chomharsuinn
íad, agus luidhfidh sé led mhnáibh a
radharc na gréinesi.

12 Oir do rinne tuſa a bhfolach é,
achd do dhéana miſi an níſi as coinne
Iſrael uile, agus as coinne na gréine.
13 Agus a dubhairt Dáibhi ré Ná-
tan, Do pheacaidh mé a naghaidh an
Tighearna: agus a dubhairt Nátan ré
Dáibhi, Do chuir an Tighearna mar
an gcéadna do pheacadhſa ar gcúl; ní
bhfuighe tú bás.
14 Gidheadh do chionn go ttug tú
leis an ngníomhſo cúis mhór dá ná-
mhuid, an Tighearna do ſcannlughadh:
an leanamh fós do rugadh dhuit, do
gheabha ſé bás do deimhin.
15 Agus dimthigh Nátan dá thigh,
agus do bhúail an Tighearna an lea-
namh, noch rug bean Uriah do Dhá-
ibhi, agus do bhí ſé ro thinn.
16 Uime ſin do ghuidh Dáibhi Día
fá an leanamh, agus do throiſg Daibhi,
agus do chuaidh a ſteach, agus do
luidh ſeadh na hoidhche ar talamh.
17 Agus déirgheadar ſinnſir a thi-
ghe, agus do chúadar mar a raibh ſé,
da thógbháil ſuás don talamh: ach
níor bhaill leis, agus ní dhúaigh ſé
arán leó:
18 Agus tárla an ſeachdmhadh lá,
go bhfuáir an leanamh bás, agus do bhí
eagla ar mhuintir Dháibhi a inniſin dó
go bhfuáir an leanamh bás: óir a du-
bhradar, féuch an fad do bhí an leanamh
fós beó, do labhramar ris, agus níor
éiſt ſé ar nguth: ga mhéid mar ſin
chráidhfeas ſé é féin, ma innſeamuid
dó go bhfuair an leanamh bás?
19 Achd a núair do chonnairc Dái-
bhi a ſheirbhiſigh ag cogarnuigh, do ai-
thin Dáibhi go bhfuáir an leánamh bás:
uime ſin a dubhairt Dáibhi re na ſheir-
bhíſeachuibh, an bhfúair an lenamh bás?
agus a dubhradarſan, fuair ſé bás.
20 Ann ſin déirigh Dáibhi don ta-
lamh, agus dionnuil ſé, agus do chuir
ola air féin, agus do áthruigh a éadach,
agus tháinic go tigh an Tighearna, agus
do adhuir: ann ſin tháinic ſé dhá thigh
féin, agus a nuáir do iarr, do chuireadar
arán ann a fhiadhnuiſe, agus dúaigh
ſé é.
21 Ann ſin a dubhradar a ſherbhí-
ſigh ris, cred an ní ſo do rinne tú? do
throiſg tú, agus do ghuil tú ar ſon an
léinibh an ſeadh do bhí ſé beó; achd
a nuair déug an leanamh, déirigh tú,
agus duáigh tú arán.
22 Agus a dubhairt ſeiſion, an ſeadh
do bhí an leanamh fós beó, do throiſg
mé, agus do ghuil me; óir a dubhairt
mé, cía agá bhfuil a fhios, nach bíath
Día gráſamhuil riom, go madh toil
leis an leánamh do mharthuinn?
23 Achd a nois ó fuáir ſé bás, créd fa
ttroiſgfinn? an bhféaduim a thabhairt
ar ais a rís? rachaidh miſi go nuige
eiſion: achd ní fhillfe ſeiſion chugamſa.
24 Agus do bhí Dáibhi ag déanamh
ſóláis dá mhnáoi Bat-ſeba: agus do
chuáidh ſé a ſteach mar a raibh ſí, a-
gus do luidh lé: agus rug ſí mac dhó,
agus tug ſé Solamh dainm air, agus do
ionmhuin leis an tighearna é;
25 Agus do chuir ſé le láimh Nátan
an faidh: agus do ghoir ſé Jedidiah
dainm dhe, ar ſon an Tighearna.
26 Agus do throid Jóab a naghaidh
Rabbah cathair chloinne Ammon, agus
do ghabh ſe an chathair ríogha,
27 Agus do chuir Jóab teachda chum
Dáibhi, agus a dubhairt, do throid mé
a naghaidh Rabbah, agus do ghabh
mé cathair na nuiſgeadh.
28 Anois ar a nadhbharſin cruinnigh
an chuid oile don phobal a gcionn a
chéile; agus ſuigh ré haghaidh na cath-
reach, agus bean amach í: deagla go
mbeanfuinſi amach an chathair; agus
go ngoirfidhe aſam í.
29 Agus do chruinnigh Dáibhi an
pobal uile a gcionn a chéile, agus do
chuáidh ſé go Rabbah: agus do throid
na haghaidh: agus do ghabh ſé í.
30 Agus do bhean ſé coróin a Righ
dhá cheann, (bá hé a comhthrom tallann
óir, maille ris na clochaibh búadha) a-
gus do cuireadh ar cheann Dháibhi í:
agus thug ſé leis amach éadáil na ca-
threach, a níomarcuigh mhóir.
31 Agus thug ſé amach na daóine do
bhí ſan ccathruigh ſin, agus do chuir
ſé iad fá thuirioſguibh, agus fa bhra-
cadhuibh íaruinn, agus fa thúaghuibh iar-
uinn; agus thug orra dul a fórn ſithdin
na mbríceadh, agus mar ſo do rinne
ſé ré caithreachaibh chloinne Ammon
uile. Mar ſin dfill Dáibhi, agus an
pobal uile go Hieruſalem.

CAIB. XIII.

Do dhioghail Abſolon ar Amnon a chlaon rē na dheirbhſhiur 37 Do theich ſé ó ſhéig Dhaibhi à athar.

AGus tárla na dhiáigh ſo, go raibh ag
Abſolon mhac Dáibhi deirbhſhiur
ſgiamhach, dar bhainm Támar; agus
do bhí grádh ag Amnon mhac Dháibhi
uirre.
2 Agus do bhí Amnon chomh buaidheartha
ſin ar na chrádh, gur ghabh tinneas é
fa ná dheirbhſhiáir Támar: óir do
bhí ſiſi na maighdin, agus do ſmuain
Amnon gur dheacair dhó féin éinni do
dhéanamh ría.
3 Ach do bhí caruid ag Amnon dar
bhainm Ionadab mhac Simeah, dear-
bhrathair Dháibhi: agus ba duine ro
ghlic Ionadab.
4 Agus a dubhairt ſé ris, créd ſá
bhfuil tú tanughadh mar ſin ó lá go lá,
agus tú ad mhac ag an Rígh? nach
inneoſa tú dhamhſa é? agus a dubhairt
Amnon ris, atá grádh agum ar Thá-
mar, deirbhſhíur mo dhearbhrathar Ab-
ſolon.
5 Agus

5 Agus a dubhairt Jonadab ris, luidh
ſíos ar do leabuidh, léig ort féin bheith
tinn: agus a nuáir thiocfas hathair dot
fhéachuin, abair ris, guidhim thú ti-
geadh mo dheirbhſhiur Támar, & túgadh
ſí biadh dhamh, agus deaſuigheadh ſí
an biadh am radharc féin, chor go bhfai-
cinn, agus go nithinn é as a láimh.
6 Mar ſin do luidh Amnon ſíos,
agus do léig ſé air féin a bheith
tinn: agus a nuáir tháinic an Rígh
dha fhéachuin, a dubhairt Amnon ris
an Rígh, guidhim thú, tigeadh Támar
mo dhearbhſhiur, agus déanadh ſí cúpla
bairgín damh am radharc féin, go ni-
thinn ní as a laimh.
7 Ann ſin do chuir Dáibhi fios don
teaghlaige go Támar, dá rádh, éirigh anois
go tigh do dhearbhrathar Amnon, agus
déanaigh biadh dhó.
8 Mar ſin do chuáidh Támar go
tigh a dearbhrathar Amnon, agus eiſi-
ođ na luidhe ſíos, agus do ghlac ſí
plúr, agus dfuin ſí é, agus do rinne
bairgheana ann a radharc, & do bhruith
ſí na bairgheana.
9 Agus do ghlac ſí oigheann, agus
do dhoirt ann íad iona fhiadhnuiſi;
acht do dhiúlt ſeiſion ithe. Agus a
dubhairt Amnon, cuir amach cách uile
uáim: agus do chúadar amach gach
aoinneach uadh.
10 Agus a dubhairt Amnon ré Tá-
mar, tabhair an bíadh a ſteach don
tſeomra, chor go nithinn as do láimh dhe.
Agus do ghlac Támar na bairgheana do
rinne ſí, agus do rug don tſeomra íad
chum Amnon a dearbhrathair.
11 Agus a nuáir thug ſí chuige íad
dá ithe, rug ſeiſion greim uirre agus
a dubhairt ſé, luidh liom a dheirbh-
ſhiur.
12 Agus do fhreagair ſiſi é, ní headh
a dhearbhrathair, na héignigh mé: óir
ní cóir a leitheid ſin do dhéanamh a
Niſrael; ná déanaſa an leimheſin.
13 Agus miſi, cáit a ccuirfinn
mo mhiochlú? agus ar do ſhonſa
biaidh tú mar áon do na hamadánuibh
a Niſrael; anois guidhim thú, labhair
ris an Rígh, oir ní chuinneochuidh ſé
miſi uait.
14 Acht cheana ni éiſdeadh ſeiſion
re na glór, achd ar mbeith nios
láidire ná iſi, déignigh ſé í, agus do
luidh aice.
15 Ann ſin do fhúathaigh Amnon í
go hromarcach, ionnus gur mhó an fuath
ler fhuathaigh ſé í, ná an gradh léar
ghrádhuigh ſé í: & a dubhairt Amnon
ria, éirigh, bí ag imtheachd.
16 Agus a dubhairt ſiſi ris, ní bhfuil
adhbhar chuige ſin; is mó an tolcſa ann mo
chur ar ſiubhal, ná an tolc oile do rin-
ne tú orum: achd ní éiſdeadh ſeiſion
ria.
17 Ann ſin do ghoir ſé a óglach do
bhiodh minioſtralachd dó, agus a du-
bhairt ſé ris, cuir anois an bheanſo a-
mach uáim, agus druid an dorus na
diáigh.
18 Agus do bhí aiceſi culaidh
ioldhathach uirre: óir is lé na leithéid-
ſin do róbuibh do bhídis ingheanna an
Rígh do bhíodh na maighdeana, éa-
duighe: ann ſin thug a óglach amach í,
& do dhruid an dorus na diáigh.
19 Agus do chuir Támar luáithreadh
ar a ceann, agus do réub ſí a héadach
ioldhathach do bhí uirre, agus do leag
ſí a lámh ar a ceann, agus dimthigh
roimpe ag gártha.
20 Agus a dubhairt Abſolon a dear-
bhrathair ría, an raibh Amnon do dhear-
bhrathair agad? achd anois bí ad thochd
a dheirbhſhiur; ſé do dhearbhrathair é,
ná cuir beann ar an ní ſi. Mar ſin do
chomhnuidh Támar go dubhach a ttigh
a dearbhrathar Abſolon.
21 Achd a nuáir do chúalaidh Dáibhi
Rígh na neitheſi uile, do bhí ſé ro
fheargach.
22 Agus níor labhair Abſolon re na
dhearbhrathair Amnon go maith nó go
holc: óir do fhúathaigh Abſalon a dhear-
bhrathair Amnon, do bhrígh gur éignigh
ſé a dheirbhſhiur Támar.
23 Agus tárla a ccionn dá bhliadhan
jomlán go raibh béarrthóirigh cáorach
ag Abſolon a Mbaal-Haſor, noch atá
laimh re Ephraim; agus thug Abſolon
cuireadh do chloinn an Rígh uile.
24 Agus tháinic Abſolon chum an
Rígh, agus a dubhairt, féuch anois
atáid béarrthóirigh cáorach ag do
ſhearbhfhoghantuigh; tigeadh an Rígh,
guidhim thú, agus a ſheirbhíſigh leá
ſhearbhfhoghantuigh.
25 Agus a dubhairt an Rígh ré
Habſolon, ní headh a mhic, ná tíagham
uile anois ann, deagla go mbémis coſ-
tuſach dhuit. Agus do chuir ſé dithchioll
air, acht níor bháill leis imtheachd, ach
do bheannuigh ſé é.
26 Ann ſin a dubhairt Abſolon,
muna ttí tú féin, guidhim thú, léig mo
dhearbhrathair Amnon theachd linn. A-
gus a dubhairt an Rígh, cred ſá rachadh
ſeiſion leachd.
27 Achd do chuir Abſolon dithchioll
air, gur léig ſé Damnon agus do mha-
caibh an Rígh uile dul leis.
28 Anois do aithin Abſolon da
ſhearbhfhoghantaighibh, gha rádh,
comharthuigh anois a nuáir bhias croidhe
Amnon ſúgach o fhíon, agus a nuáir a
déara miſi ribh, buáiligh Amnon, annſin
marbhuidh é; ná bíodh eagla oruibh,
nach ar áithin miſi dhíbh é? bighi curata,
agus bighi beódha.
29 Agus do rinneadar ſearbhfhoghan-
tuighe Abſolon re Hamnon mar do ai-
thin Abſolon; annſin do éirgheadar
mic an Rígh uile, agus do chuaidh gach
áon aca ſuas ar a mhúille, agus do thei-
theadar.

30 Agus tárla an feadh do bhádar ar
a tslighe, go ttáinic scéula chum Dáibhi,
ga rádh, do mharbh Absolon clann an
Rígh uile, agus níor fágbhadh aon díobh
beo.
31 Ann sin déirigh an Rígh, agus
do réub a éadach, agus do luidh ar an
ttalumh, agus do bhí a mhuintir uile na
seasamh aige, agus a néaduighe briste.
32 Agus a dubhairt Jonadab mhác
Simeáh dearbhrathair Dháibhi, ná sa-
oileadh mo thighearna gur marbhadh na
hógánuigh mic an Rígh uile; óir Amnon
amháin do marbhadh; óir do tionscnadh
so do réir thola Absalon, ón ló sár éig-
nigh sé a dhearbhshiúr Támar.
33 Annois ar nadhbharsin ná gabh-
adh mo thighearna an Rígh an ní chui-
ge ann a chroidhe, dá bhreathnughadh
gur marbhadh, mic an Rígh uile; óir
Amnon amháin do marbhadh.
34 Ach do theith Absolon: agus do
thóg an tóganach do bhí ag coimhéud na
faire, a shuile súas, agus damhairc sé
agus féuch thangadar mórán dáoine
annsa tslighe ré táoibh an chnoic, táobh
shiar dhe.
35 Agus a dubhairt Jonadab ris an
Rígh, feuch atáid mic an Rígh ag te-
achd: mar a dubhairt do shearbhf ho-
ghantuigh, is amhluidh atá sé.
36 Agus tárla mar is luáithe gur
chríochnuigh seisión a bhriathra go
ttangadar clann an Rígh, agus gur thóg-
bhadar a nguth ós áird, agus gur ghui-
leadar: agus do ghuil an Rígh mar an
gcéadna, agus a mhuintir uile go
géar.
37 Ach do theith Absolon, agus do
chuáidh sé go Talmai mhac Ammihud
Rígh Gésur: agus do níodh Dáibhi do-
bron ar son a mhic gach éanlá.
38 Mar sin do theith Absolon, agus
do chuáidh go Gésur, agus do bhi ann
sin trí bliadhna.
39 Agus do bhí ros honn air Dháibhi
dul amach go Habsolon: óir do meis-
nigheadh é a ttáobh Amnon, ó fuáir sé
bás.

CAIB. XIV.

Tré chríondachd mhná áiridh do filleadh Absolon.

ANois do mhothuigh Jóab mhac Se-
rujah go raibh croidhe an Rígh le
Habsalon.
2 Agus do chuir Jóab fios go
Tecoah, agus thug as sin bean chri-
onna, agus a dubhairt ría, guidhim
thú, léig ort féin bheith ad chumh-
ach, agus cuir ort a nois éadach cumha,
agus ná cumuil ola dhíot féin, ach bí
mar mhnáoi atá ré fada a gcumhaidh
ar son an mhairbh.
3 Agus tárr chum an Rígh, agus abair
marso ris; marsin do chuir Jóab na
briathra ann a béul.
4 Agus a nuáir do labhair an bhean
do Thecoah ris an Rígh, do thuit sí
ar a haghaidh chum na talmhan, agus do
rinne umhla; agus a dubhairt sí, cu-
thuigh, a Rígh.
5 Agus a dubhairt an Rígh ría, créud
dimthigh ort? agus do fhreagair sí,
go deimhin is baintreabhach mé, agus
do chuáidh mfear déug.
6 Agus do bhí días mac ag do bhá-
nóglaich, agus do throideadar arón a
cheile annsa machaire, ach ní raibh
éinneach do dhéanamh éadársgán, agus do
bhúail fear aca an fear oile, agus do
mharbh sé é.
7 Agus féuch déirigh muintir an
tighe uile a naghaidh do bhanóglaich,
agus a dubhradar, seachuid an té do
mharbh a dhearbhrathair, go marbhsam
é air son bháis a dhearbhrathar, noch
do mharbh sé, agus muirfimne an toighre
mar an gcéadna: agus mar sin mhúch-
fuid mo sméathroid, noch do fágbhadh,
agus ní fhúigfid ag mfear ainm no iar-
dhráoi ar an ttalamh.
8 Agus a dubhairt an Rígh ris
an mnaói, imthigh dot thigh, agus do
bhéara misi fúagradh dot thaóibh.
9 Agus a dubhairt an bhean ó The-
coáh ris an Rígh, a thighearna a Rígh,
bíodh an peacadh ormsa, agus ar thigh
mathar, agus bíodh an Rígh, agus a
chathaóir Ríogha gan choir.
10 Agus a dubhairt an Rígh, gidh
be déaras éinní riot, tabhair chugamsa
é, agus ní bheansa sé riot nis
mó.
11 Ann sin a dubhairt sisi, guidhim
thú, cuimhnigheadh an Rígh do Thi-
ghearna Día; ná fuiling do dhioghaltach
na fola nios mó do mharbhadh, deagla
go muirfidis mo mhacsa: agus a dubhairt
seisión, mar mhairios an Tighearna, ní
rachuidh ruibe do ghruáig do mhic chum
na talmhan.
12 Ann sin a dubhairt an bhean,
guidhim thú, léig dot bhánóglaich éanfho-
cal amhain do rádh re mo thighearna an
Rígh: agus a dubhairt seisión, abair
romhad.
13 Agus a dubhairt an bhean, maseadh
cred as ar smuáin tusa a leithéid sin do
ní a naghaidh phobail Dé? óir labhruidh
an Rígh an níse mar dhuine do bheith
ciontach, do chionn nach goireann an
Rígh a dhíbearthach a rís air ais.
14 Oír caithfiom bás dfulang, agus
atámaoid mar uisge do dóirtfidh ar
an dtalamh, nach féidir do chruin-
niughadh a rís: agus ní mheasann Día
pearsa tar a chéile, gidheadh do ní sé
slighe nach scriosfuidhe a dhíbearthach
uadh.
15 Annois ar a nadhbharsin is uime
thainic misi do labhairt an neithesi re mo
thighearna an Rígh, gur chuireadar na
dáoine eagla orum: agus a dubhairt do
bhanoglach, laibhéora mé ris an
Rígh,

...do bféidir go ccroimhlíonfadh an ...iarratus a bhanóglaich.

16 Oír éistfidh an Rígh do fhaóradh a bhanóglaich ó laímh an duine, noch ...sgriosfadh mé féin agus mo mhac le ...éile amach as oighreachd Dé.

17 Ann sin a dubhairt do bhanóglach, ...anois focal mo thighearna an Rígh ...urthach: óir amhuil aingeal Dé is ...atá mo thighearna an Rígh, do ...idir uilc agus maitheasa; uimesin ...do Thighearna Día maille riot.

18 Ann sin do fhreagair an Rígh; agus ...dubhairt ris an mnaoi, guidhim thú, na ...ol orum an ní fhíafrochus mé dhiot, ...a dubhairt an bhean; labhradh mo ...ighearna an Rígh anois.

19 Agus a dubhairt an Rígh, nach ...bhfuil lámh Joab leachd annsa chúisse ...sin? agus do fhreagair an bhean, &a ...dubhairt, mar mhairios hanum a thighearna mo Rígh, ní feidir le héinneach filleadh ar a laimh dheis nó chlé ó éinní dar ...labhair mo thighearna an Rígh: oir isé ...sbearbhfhoghantuigh Jóab a dubhairt ...rium, agus do chuir na briathra so uile ...a mbéal do bhanóglaich:

20 Do thabhairt na cúisisi timchioll ...ar bhfoirm chaintesi, do rínne do ...shearbhfhoghantuigh Jóab an nísi: agus ...atá mo thighearna glic do réir ghliocuis ...aingil Dé, daithne gach uile neithe dá ...bhfuil ar an ttalumh.

21 Agus a dubhairt an Rígh re ...Joab, féuch annois do rinne mé an ní sé: ...eirigh ar a nadhbharsin, tabhair leachd ...an tógánach Absolon a rís.

22 Agus do thuit Joab ar a aghaidh go ...talumh, agus do chlaon é féin, agus ...ug buidheachus ris an Rígh: agus a ...dubhairt Jóab, a niugh aithnighidh do ...shearbhfhoghantuigh go bhfuáir mé grása ...ann do radharc, a thighearna mo Rígh, do ...bhrígh gur choimhlíon an Rígh íarratus a ...shearbhfhoghantuigh.

23 Mar sin déirigh Jóab, agus do ...chuaidh go Gésur, agus thug Abſalon go ...Hierusalem.

24 Agus a dubhairt an Rígh, filleadh ...sé dhá thigh féin, agus ní faiceadh sé ...maghaidhsi: ann sin do chuaidh Absolon ...dá thigh féin, agus ní fhacaich sé aghaidh an Rígh.

25 Acht ní raibh a Nisrael uile éanduine coimhsgíamhach ré Habsolon: ó ...bhonn a choise go mullach a chinn ní ...raibh toighbheím ar bith air.

26 Agus a nuáir do bhearradh sé a ...cheann (oir is a gcionn gacha bliadhna do ...bhearradh sé é; do bhrídh go raibh sé ...trom air, uimesin do bhearradh sé é) do chomhthromadh sé grúag a ...chinn le dhá chéud Secel do réir chomhthruim an Rígh.

27 Agus rugadh do Absolon triúr mac, agus éan inghean dar bhainm Tamar: budh bean ró dheaghmhaiseach í.

28 Marsin do bhí Absolon dhá bhliadhuin iomlán ann Jerusalem na chomhnuigh, agus ní fhacaigh sé gnúis an Rígh.

29 Ar a nadhbharsin do chuir Absolon fios ar Jóab, dhá chur chum an Rígh, achd níor bháill leis teachd chuige; agus an tan do chuir an dara húair, níor bháill leis teachd.

30 Uime sin a dubhairt sé ré na shearbhfhoghantuibh, féuchaidh, atá machair Jóab láimh rem mhachairesi, agus atá eórna aige ann sin: éirghidhe, agus cuirfidh teine innte: & do chuadar searbhfhoghantuighidh Absolon, & do chuireadar an machaire tre theine.

31 Ann sin déirigh Jóab, agus thainic sé go Habsolon dhá thigh, agus a dubhairt sé ris, cred far chuireadar do shearbhfhoghantuighidh mfearann tre theine?

32 Agus do fhreagair Absolon Jóab, féuch, do chuir misi fios ort dha rádh, tárr annso go gcuiridh mé chum an Rígh thú, dhá radh, cred fá ttáinic mé ó Ghésur? do bfearr dhamh gurob ann sin do bhéinn fós: annois air a nadhbharsin faicim gnúis an Rígh, agus matá coir ar bith orum, marbhadh sé mé.

33 Ann sin tháinic Jóab chum an Rígh, agus dinnis sé sin dó: agus an tan do ghoir se ar Absolon, tháinic sé chum an Rígh, agus do léig sé é féin síos ar aghaidh go talumh as coinne an Rígh, agus do phóg an Rígh Absolon.

C A I B. XV.

Do thionnscain Absolon ar an Rígheachd do ghabhail ó athàr. 13 *Do theich* Daibhi *uadh.*

AGus tárla na dhiáigh so gur ghléus Absolon carbuid dho féin agus eich, agus cáogad fear do rioth roimhe.

2 Agus déirgheadh Absolon súas go moch, & do sheasadh láimh ré slighe an gheata: & is amhluidh bhí, gach duine agá mbíodh adhbhar imreasuin a nuair do thigeadh chum an Rígh dfaghail breitheamhnuis, annsin do ghoireadh Absolon air, & a deiriodh sé, Cía an chathair dar di thusa? & a deiriodh seision, Is do threabhaibh Israel do sherbhíseach.

3 Agus deireadh Absolon ris, féuch ataid do chúisionna go maith ceart, achd ní bhfuil éanduine ar na órdughadh dá bhur néisdeachd.

4 Deireadh Absolon thairis sin, oh nach déarnadh breitheamh dhiomsa annsa tír, chor go bhféadfadh gach duine agá mbiadh cúis no adhbhar, teachd chugam, do dhéanuinn ceart dhó.

5 Agus is amhluidh do bhiodh a nuáir do thigeadh éanduine na ghoire do dhéanamh umhla dhó, go ccuireadh a lámh amach, agus go mbeireadh air, agus go ttugadh póg dhó.

6 Agus ar an modhſo do níodh Abſolon ré Hiſrael uile, noch thigeadh chum an Rígh dfagháil breitheamhnuis: mar ſin do ghoid Abſolon croidhthe fhear Iſrael.

7 Agus tárla a ndiaigh dhá fhithchiod bliadhan, go ndubhairt Abſolon ris an Rígh, guidhim thú, tabhair dhamh cead dul do dhíol mo mhóide thug mé don Tighearna, ann Hébron.

8 Oir thug do ſhearbhfhoghantuigh móid a nuáir do bhí mé am chomhnuigh a Ngéſur a Siria, gha rádh, má bheirionn an Tighearna mé go dearbhtha a rís go Hieruſalem, ann ſin do dhéana mé ſerbhís don Tighearna.

9 Agus a dubhairt an Rígh ris, Imthigh a ſíothcháin: annſin déirigh ſé, agus do chuáidh ſé go Hébron.

10 Ach do chuir Abſolon luchd bratha ar feadh threabh iſrael uile, dhá rádh, ar ball a ccluinfidhe fuáim an ſtuic, annſin abruidh, atá Abſolon na Rígh ann Hébron.

11 Agus do chuádar dhá chéud fear le Habſolon as Jeruſalem, air ar goireadh, agus dimthigheadar ann a ſimplidheachd, agus ní raibh fios éinneithe aca.

12 Agus do chuir Abſolon fios ar Achitophel an Giloníteach, comhairleach Dháibhi, óna chathrúigh féin, ó Ghiloh, ann ſeadh do bhí ag déanamh iodhbhartha: & do bhí an chealg láidir óir do bhí an pobal ag méadughadh a ccomhnuigh ag Abſolon.

13 Agus tháinic teachdaire chum Dáibhi, gha rádh, atáid croidhthe fhear Iſrael le Habſolon.

14 Agus a dubhairt Dáibhi ré na ſhearbhfhoghantuibh uile do bhí na fhochair ann Jeruſalem, éirgidhe, & teithiom, nó ní racham as ar éanchor ó Abſolon; déanuidh deithfir re himtheachd, deagla go mbéaradh ſé oruinn go hobann, agus go millfidh an chathair lé faobhar an chloidhimh.

15 Agus a dubhradar muintir an Rígh ris an Rígh, ag ſo do ſherbhiſigh chum gach uile ní déaras mo thighearna an Rígh.

16 Agus do chuáidh an Rígh amach, agus muintir a thighe uile na dhiáigh: agus dfág an Rígh deichneamhar ban fá leannáin dó féin do choimhéad an tighe.

17 Agus do chuáidh an Rígh amach, agus cách uile na dhiáigh, agus dfan a náit do bhí a bhfad as ſin.

18 Agus do ghabhadar a ſheirbhíſigh uile thairis láimh ris, agus na Cheritítigh uile, agus na Peletítigh uile, agus na Gititigh uile, ſé céud fear tháinic na dhiáigh ó Ghát, do ghluáiſiodar rompa roimhe an Rígh.

19 Ann ſin a dubhairt an Rígh ré Ittai an Gititeach, cred fa a bhfuil tuſa ag teachd linne mar an gcéadna? fill dot áit féin, agus fan a bhfochair an Rígh: óir is coimbitheach, agus is d díobartha fós thú.

20 An tan nach ttainic tú adé né, an ttiubhruinnſi ort a nuigh ſachd linn ſíos ſúas? ó táimſi mar a bhféaduím, fillſe ar hais, beir do dhearbhráithre ar a nai raibh trócaire, agus fírinne maille leat.

21 Agus do fhreagair Ittai an Rígh, agus a dubhairt, Mar mhairios an Tighearna, agus mar mhairios mo thighearna an Rígh, gidh bé áit a mbía mo thighearna ar Rígh, más a mbás nó a mbeathuigh: is ann bhias do ſhearbhfhoghantuigh mar an gcéadna.

22 Agus a dubhairt Dáibhi ré Ittai, imthigh agus éirigh thairis anonn: agus do chuáidh Ittai an Gititeach thairis anonn, agus a mhuintir uile, agus a dhaoine beaga uile, do bhí na fhochair.

23 Agus do ghuil an tír uile do ghuth árd, agus do chúadar an pobal uile thairis anonn: & do chuáidh an Rígh féin thar a nabhuinn Cedron, agus do chúadar cách uile thairis a nonn leis re ſlighe an nfaſuigh.

24 Agus féach do bhí Sádoc fós & na Lebhítigh uile na fhochair, ag iomchar Airce chunartha Dé, agus do leagadar Airc Dé ar lár: agus do chuáidh Abiatar ſúas, nó go ttáinic lé cách uile dul amach as an gcathruigh.

25 Agus a dubhairt an Rígh re Sádoc, beir ar a hais Airc Dé don chathruigh; má gheibhimſi gráſa a radharc an Tighearna, do bhéara ſé leis a rís mé, agus taisbeanfuidhe ſé dhamh í, agus a áit chomhnuigh.

26 Ach ma deir ſé mar ſo, Ni bhfuil dúil ar bith agum ionnad, féach táimſi annſo, déanadh ſé liom mar is áil leis féin.

27 A dubhairt an Rígh mar an gcéadna re Sádoc an ſagart: nach fear fis thuſa? fill don chathruigh a ſíothcháin, agus do dhías mac ad fhochair, Ahimaas do mhac féin, agus Ionatan mhac Abiatar.

28 Féuch, fanſa miſi a réiteach an nfáſaigh, nó go mbeirid ſcéula dearbhtha úaitſi orum.

29 Rug Sádoc ar a nadhbharſin, agus Abiatar Airc Dé a rís go Hieruſalem, & dfanadar annſin.

30 Agus do chúaidh Dáibhi ſuas le hárd ſhleibhe na noladh, agus do ghuil ſé ag dul ſúas, agus do bhí a cheann a bhfolach, & é ag imtheachd coſnochd: & a nuile dhuine dá raibh na fhochair, dfoluigh gach aon aca a cheann, agus do chúadar ſuas, ag gul ag dul ſuas doibh.

31 Agus dinnis duine do Dháibhi dha rádh, atá Achitophel a meaſg na ndroichthionnſgantach a bhfochair Abſolon: agus a dubhairt Dáibhi, ó a Thighearna, guidhim thú, iompoigh comhairle Achitophel a namadánachd.

32 Agus

Agus tárla a núair tháinic
Dáibhi go mullach an tſléibhe mar a
ro ſe adhra do Dhía, féach, tháinic
Chúſai an Tarchíteach na choinne
a chóta briſte, agus cré ar a
cheann:
Le a ndubhairt Dáibhi, má gluaiſe
tú liomſa, annſin bu húalach
thú.
Acht má fhilleann tú don cha-
thraigh, agus a radh re Habſolon, biáidh
mé am ſhearbhfhoghantuigh agadſa, a
Rígh; mar do bhí mé am ſhearbhfho-
ghantuigh ag hathair go ttí ſo, mar ſin
biáidh mé mar an gcéadna am ſhearbhfho-
ghantuigh agadſa: annſin féadfuidh tú
comhairle Achitophel do chur ar neimh-
ní ar mo ſhonſa.
Agus nach bhfuil annſin Sa-
doc ad ſhochair agus Abiatar na
ſagairt uimeſin, go madh hamhluidh
gach uile ní dá gccluinſe tú
as tigh an Rígh, inneoſa tú é do
Shadoc, agus do Abiatar na Sa-
gairt.
Féuch atá na bhſochair annſin a
dhá mac, Ahimaas mhac Sadoc, agus
Ionatan mhac Abiatar: agus leó ſin
cuirfe ſibh chugamſa gach éinni dá
gcluinfe ſibh.
Mar ſin thainic Chuſai caruid
Dháibhi don chathruigh, agus tháinic
Abſolon go Hierusalem.

CAIB. XVI.

... ceilg, fuair oighreachd a Mhephiſdir. 5 Càineadh Shimei. 22 ... neamhbhaſach Abſolon.

Agus a núair do chuáidh Dáibhi bea-
gán thar an mullach, feuch, thár-
la Síba óglach Mhephibólet dhó,
maille re cúpla Aſſal ughamtha, air
a raibh dhá chéad builin aráin, agus
céad ceanglachàn ríſin, agus céud
toradh ſamhraidh, agus buidél fíona.
2 Agus a dubhairt an Rígh ré Síba,
cred chialluigheas tú leó ſo? agus a
dubhairt Síba, atáid na haſſàl re ha-
ghaidh mhuintire thighe an Rígh dá
marcuigheachd, agus an tarán, agus
na toradh ſamhraidh do na daoinibh óga ré ithe,
agus an fíon re a ól do na dáoinibh
ata lag annſa bfáſach.
3 Agus a dubhairt an Rígh, Ach
cá a bhfuil mac do mhaighiſtir? agus
a dubhairt Síba ris an Rígh, féuch atá
ſé ann Ierusalem: óir a dubhairt ſé, a
niugh aiſeogus tigh Iſrael damhſa rio-
ghachd mathar.
4 Annſin a dubhairt an Rígh re Síba,
féuch is leachdſa a bhfuil ag Mephibó-
ſet. Agus a dubhairt Síba, íarruim go
humhal ort, go bhfaghá mé gráſa
ad radharc, mo Thighearna a
Rígh.
5 Agus a núair tháinic Dáibhi Rígh
go Bahúrim, féuch tháinic as ſin
amach óglach do mhuintir thighe Shauil,
dar bhainm Símei mhac Géra: tháinic
ſé amach, agus é ag mallughadh do
ghnáth ag teachd.
6 Agus do chaith ſé clocha ré Dái-
bhi & re muintir Dháibhi uile: agus
do bhí an pobal uile agus na daóine
neartmhara uile dhá láimh dheis, agus dá
láimh chlé.
7 Agus marſo a dubhairt Símei, a
nuair do mhalluigh ſé, tárr amach, tárr
amach a dhuine fhuiltigh, agus a dhuine
do Bhélial.
8 Dfill an Tighearna ort fuil thighe
Shauil uile, ann a áit a raibh tuſa
ad Rígh, agus thug an Tighearna an
rioghachd a láimh do mhic Abſolon;
agus féuch, rugadh ortſa ann hur-
chóid, do bhrígh gur duine fuilteach
thú.
9 Ann ſin a dubhairt Abiſai mhac
Seruiah ris an Rígh, cred fá malluighi-
onn an madradh marbhſo mo thigh-
earna an Rígh? guidhim thú léig dhamh
dul anonn, agus a cheann do bhuáin de.
10 Agus a dubhairt an Rígh, cred é
dhamſa & dáoibhſi, a chlann Sheruiah,
marſin léigthear dhó mallughadh, do
bhrígh go ndubhairt an Tighearna ris,
malluidh Dáibhí, Cía déaras ann ſin,
cred fá ndéarna tú marſo?
11 Agus a dubhairt Dáibhi re A-
biſaí, agus ré na mhuintir uile, féu-
chaidh, atá mo mhac féin noch thainic
amach as minnighibh ag íarruidh mo
bháis, cá mheid ós a chionnſin dhéanas
an Beniamiteach úd? léigidh dho, ná
bacaidh dhe mallughadh: óir iſé an Ti-
ghearna a dubhairt ris é.
12 Do bféidir go bféuchfadh an Ti-
ghearna ar méigionſa, agus go ccúiteo-
chadh Día maith ríom ar ſon a mhal-
luightheſion a niugh.
13 Agus mar do bhí Dáibhi, agus a
mhuintir ag imtheachd ſan tſlighe, do
chuáidh Símei ar fad ar tháobh na ccnoc
thall ar aghaidh, & é ag mallughadh
mar a ngabhadh, agus ag caithiomh
cloch agus críadh.
14 Agus do bhí an Rígh, agus a
raibh na fhochair uile curtha, agus do
léigeadar a ſgíth ann ſin.
15 Agus táinic Abſolon, agus an
pobal uile, fir Iſrael, go Hierusalem, agus
Achitophel na fhochair.
16 Agus tárla a núair tháinic Chuſai
an Tarchiteach cara Dháibhi chum
Abſoloin, go ndubhairt Chuſai re Abſo-
lon, go mairigh an Rígh, go mairigh
an Rígh.
17 Agus a dubhairt Abſolon re
Chuſai, a néſo do chinéul dot charuid?
cred fá nach deachaidh tú led charuid?
18 Agus a dubhairt Chuſai re Abſo-
lón, ní headh, achd gidh bé do thogh
an Tighearna, agus an pobalſa, agus fir
Iſrael uile, as aigeſion bhias miſi agus
is na fhochair fhanfas me.

19 Agus a rís, cía dá ndéanuinn ser-
bhís, ? nach a láthair a mhic: mar
dfoghuin mé a láthair hathar, is mar sin
bhias mé ad láthairsi.
20 Ann sin a dubhairt Absolon re
Achitophel, tugaidh comhairle eadruibh
cred dhéanam.
21 Agus a dubhairt Achitophel re
Absolon, Luidh le leannánuibh hathar,
noch dfág sé a mbun an tigh; agus cluin-
fid Israel uile go bhfuil tu adhfhúathmhar
ag hathar, annsin béid lámha gach a
ngabhann leachd láidir.
22 Mar sin do leathnuigheadar páuil-
liun do Absolon ar mhullach an tighe:
agus do bhí Absolon ag leannánuibh a
athar a radharc Israel uile.
23 Agus do bhí comhairle Achitophel,
noch do bheireadh sé uadh annsna lae-
thibh sin ambuil mar do fhíafrochadh
duine bríathar Dé: mar sin do bhí
comhairle Achitophel uile aráon ag
Dáibhi agus ag Absolon.

CAIB. XVII.

Mío-chomhairle Achitophel ar na teilgeal bun ofcionn. 23 Do chroch sé é féin.

OS a chionn sin a dubhairt Achi-
tophel re Absolon, Léig dhamh
annois dhá mhíle dhéug fear do
thogha amach, agus éireochuidh mé,
agus leanfuidh mé a ndiáigh Dháibhi
a nochd.
2 Agus tiocfa mé air, an feadh bhías
sé curtha agus laglámhach, agus cuirfe
mé eagla air; agus teithfid a bhfuil
do dhaoinibh na fhochair, agus buail-
fidh mé an Rígh amháin.
3 Agus do bhéara mé na daóine
uile ar a nais chugadsa; an té atá tú
díarruidh, atá sé mar dfillfeadh an tiom-
lán: marsin béid an pobal uile a síoth-
cháin.
4 Agus do thaitin an glór go
maith ré Absolon, agus ré sinnsioruibh
Israel uile.
5 Ann sin a dubhairt Absolon, goir
anois Chusai an Tarchíteach, agus
cluinmid mar an gcéadna cred a deir
seision.
6 Agus a núair tháinic Chusai go
Habsolon, do labhair Absolon ris, gha
rádh, do labhair Achitophel ar an
modhsa: an ndéanam mar a dubhairt sé?
muna ndéanam, labhairsi.
7 Agus a dubhairt Chusai ré Absolon,
an comhairle thug Achitophel uadh, ní
maith í ar a núairsi.
8 Oir atá a fhios agadsa (ar sa
Chusai) go bhfuil hathair, agus a
dhaoíne na bhfearuibh cródha, agus go
bhfuilid air lasadh na ninntin, mar mha-
thghamhuin do choillfeadh a cuiléin sa
machaire; agus fear cogaidh hathair,
agus ní choimhnneocha sé a nochd a
bhfochair an phobail.
9 Féuch atá sé anois a bhfolach a
bpoll éigin, nó a náit éigin eile:
teigeomhuidh a nuair thuítfid cuid
ttús, go naibeora gach a cluinfidh
Atá ár a measg na ndáoine a
Absolon.
10 Agus fós an té atá curata, a
a chroidhe mar chroidhe leoin
leaghfuidh sé go hiomlán; óir
fhios ag Israel uile gur duine
hathair, agus an luchd atá na fhoch
gur dáoine cródha íad.
11 Ar a nadhbharsin sí mo ch
airlesi, Israel uile do chruinniughadh
ó Dhan go Beerséba mar an
neamh atá chois na fairge ar
amhlachd, agus thu féin do dhul a
ad phearsuinn féin.
12 Marsin tiucfaimne airsion
bé ait a bhfuighthear é, agus
gam air do nós an drúchda thuit
talumh: agus de féin nó déandaoine
mbía aige, ni fúigfidhear oiread
13 Os a chionn sin, má theid sé
fteach a ccathruigh, annsin do bh
Israel uile rópadha leó chum na
threachsin, agus tairreongam í chum
habhann, ionnus nach bía cloch
faghail ann.
14 Agus a dubhairt Absolon
fir Israel uile, as feárr comhairle Chu-
sai an Tarchíteach ná comhairle Achito-
phel: (óir do órduigh an Tighearna
comhairle mhaith Achitophel do chur
air ccúl, chur go ttiubhradh an Tighear-
na olc air Absolon.)
agus Nátan an fáidh é na Rígh ann
Gihon: agus tangadar a níos as ſin
ag urgháirdiughadh, iondus gur lion
an chathair dfuáim agus dfothrom:
agus a ſé ſin an giorac do chuala-
bhairſi.
46 Agus fós atá Solamh na ſhuighe a
ccathaóir na ríoghachda.
47 Agus tuilleamh oile, thanga-
dar

dar ſerbhiſigh an Rígh do bheannughadh
ar ttighearna Dáibhi Rígh,gha rádh,Go
ndéarna Dia ainm Sholaimh níos féarr
ná hainmſi, agus go ndéarna ſé a
chathóir níos mô ná do chathaóir:
agus do chlaon an Rígh é féin ar a
leabuidh.
48 Agus mar an gcéadna is marſo a
dubhairt an Rígh, Go madh beannuígh
an Tighearna Día Joſrael, noch thug dui-
ne do ſhuidhe ann mo chathaóir ríogha
a niugh, agus mo ſhúile féin da fhaicſin.
49 Agus do ghabh eagla a raibh air
cuireadh a bhfochair Adonijah, agus
déirgheadar ſúas, agus dimthigh gach
áon aca roimhe.
50 Agus do ghabh eagla Adonijah
roimhe Sholomh, agus déirigh ſé, agus
do imthigh, agus do rug ſé greim ar
adharcaibh na haltóra.
51 Agus do hinnſeadh do Sholamh
dhá rádh, féuch atá eagla ar Adonijah
roimhe an Rígh Solamh: óir féuch rug
ſé greim ar adharcaibh na haltóra, gha
rádh, tugadh an Rígh Solamh a mhi-
onna dhamhſa a niugh nach muirfidh ſé
a ſhearbhfoghantuígh leis an gcloidheamh
52 Agus a dubhairt Solamh, má ſhoill-
ſighionn ſé é féin na dhuine churata, ní
racha éan ruibe dhá ghruáig fá thalumh;
acht má geibhthear droichmhéin ann,
cuirfighear chum báis é.
53 Mar ſin do chuir an Rígh Solamh
ſios air, agus thugadar léo a nuas ó
naltóir é; agus tháinic ſé, agus dumh-
luigh é féin don Rígh Solamh: agus a
dubhairt Solamh ris, imthigh dot
thigh.

CAIB. II.

Tiomna Dhaibhi. 26 Ar na Coimhlíonadh.

ANois do dhruideadar láethe Dháibhi
a bhfogus, chor go bhfuigheádh
ſé bás: agus do chuir cúram ar a mhac
Solamh, dha rádh,
2 Atáimſe ag dul a ſlighe na talmhan
uile; bíſe láidir ar a nadhbharſin, agus
taisbéin thú féin go fearamhuil.
3 Agus coimhéud cúram do Thighear-
na Dé, ag ſiubhal iona ſhlighthibh, ag
coimhéad a ſtatúideadh, agus a aitheanta-
ta, agus a bhreitheamhnaſa, & a fhiagh-
nuiſeadh,mar atá ſcríobhtha a ndligheadh
Mhaóiſe,chor go mbeirigh tú buáidh ann
ſa nuile ní dá déana tú, agus ann gach
uile tháobh a niompochuídh tú thú féin.
4 Ionnus go ndaingneochaidh an Ti-
ghearna a fhocal ſiorruidhe, noch do la-
bhair ſé dom tháobhſa, ga radh,má bhei-
rid do chlann aire dhá ſlighe, ag ſiu-
bhal a bhfírinne am lathairſe, maille re
na nuile chroidhe, agus re na nuile an-
um, ní theiſdeocha uáit (ar ſeiſion)
duine a ccathaóir ríogha Iſrael.
5 Tuilleamh oile fós, atá a fhios a-
gad créd do rinne Ióab mhac Seru-
iah orumſa, agus cred do rinne ſé
re dá chaiptín ſhlóigh Iſrael, re Ab-
ner mhac Ner, agus re Amaſa mhac
Ieter, noch do mharbh ſé, agus gur
dhóirt fuil an chogaidh ſa tſioth-
cháin, agus gur chuir ſé fuil an chog-
uidh ar a chrios do bhí timchioll a chu-
óil, agus ar a bhrógaibh do bhí ar a
choſaibh.
6 Déanaſa ar a nadhbharſin do réir
mar do chitear dot ghliocus, agus ná
léig a cheann líath do dhul ſíos ſa
nuáigh a ſíothcháin.
7 Acht foillſigh muinteardhus do
mhacaibh Barſillai an Gileaditeach, a-
gus bídís don droing ióſas ar do bhórd;
óir is marſin thangadar chugamſa a
nuáir do theith mé roimhe Abſolon do
dhearbhrathair.
8 Agus féuch atá agad Simei mhac
Gera Beniamíteach ó Bhahúrim, noch
do mhalluigh orumſa le mallughadh
deanachdach annſa ló a ndeachaidh
mé go Mahanaim: achd tháinic ſé a
nuas am choinne go Jordan, agus do
mhionnuigh mé dhó ſan TTighearna,
gha rádh, ní chuirfe mé chum báis thú
leis an ccloidheamh.
9 Annois ar a nadhbharſin ná measa
neimhchiontach é: óir is duine críonna
thú, agus atá a ſhios agad cred is cóir
dhuit do dhéanamh ris: achd tabhair a
cheann líath ſios chum na huáighe ré fuil.
10 Mar ſin do choduil Dáibhi a
bhfochair a aithreadh, agus do hadh-
laiceadh é a gcathair Dháibhi.
11 Agus ba ceathrachad blíadhan, na
láethe do bhí Dáibhi na Rígh ós cionn
Iſrael: do bhí ſé na Rígh ann Hébron
ſeachd mblíadhna, agus triochad agus
trí bliadhna na Rígh ann Ierusálem.
12 Ann ſin do ſhuigh Solamh a cca-
thaóir a athar Dáibhi, agus do daing-
nigheadh a rioghachd go mór.
13 Agus tháinic Adonijah mhac
Haggit go Bat-ſeba, mathair Sholaimh:
agus a dubhairt ſiſe, An go ſíothchánta
thig tuſa? agús a dubhairt ſeiſion, is
go ſíothchántá.
14 Agus a dubhairt ſé fós, atá ní
áirigh agam ré a radh riotſa; agus a
dubhairt ſiſe, abair romhad.
15 Agus a dubhairt ſeiſion, atá a
fhios agad go madh liomſa an rioghachd,
agus gur iompóigh Iſrael uile a naghaidh
orum dom bheith am Rígh; gidheadh
díompóigh an rioghachd fa gcuairt, agus
tháinic chum mo dhearbhrathar; óir
ſa leiſion ón TTighearna í.
16 Agus a nois íarruim éan athcuin-
ge amhain ortſa, ná diúilt mé. Agus
a dubhairt ſiſi ris, abair romhad.
17 Agus a dubhairt ſé, guidhim thú,
labhair re Solamh an Rígh (óir ní dhiúlt-
ſa ſé thú) go ttugadh ſé Abiſag an
Sunamíteach na mnaoi dhamhſa.
18 Agus a dubhairt Bat-ſeba; lór a
fheabhus, laibheóra miſi ar do ſhon ris
an Rígh.

19 Do chuáidh Bat-ſeba uimé ſin
ar a raibh an Rígh Solamh do la-
bhairt ris ar ſon Adonijah: agus déi-
righ an Rígh ſuas na coinne, agus do
umhluidh ſé é féin di, agus do ſhuigh
ſé iona chathaóir ríogha, agus thug
ſé deara cathaóir do thabhairt chum
mathair an Rígh; agus do ſhuigh ſi ar
a láimh dheis.
20 Ann ſin a dubhairt ſi, ataîm ag
iarraidh éan athchuinge bige amhaín ort,
guidhim thú, ná diúlt mé: agus a du-
bhairt an Rígh ría, iarr romhad a mha-
thair: óir ní dhiúltſa mé thú.
21 Agus a dubhairt ſiſi, tugthar Abi-
ſag an Sunamiteach dot dhearbhrathair
Adonijah na mnaói.
22 Agus do fhreagair an Rígh Solamh,
agus a dubhairt ré na mhathair, Agus
cred fá niarrann tuſa Abiſag an Suna-
miteach do Adonijah? iarr an ríoghachd
dó mar an gcéadna; (óir is é mo
dhearbhrathair is ſine é) eadhon dó
ſin, agus do Abiatar an Sagart, agus
do Jóab mhac Seruiah.
23 Ann ſin do mhionnuigh an Rígh So-
lamh ſan Ttighearna, gha rádh, go ndear-
na an Tighearna Día mar ſin ríomſa agus
ſolamh fós, mun ar labhair Adonijah an
focalſa a naghaidh a ſháoghail féin.
24 Anois ar a nadhbharſin mar
mhaireas an Tighearna, noch do dhaing-
nigh miſi, agus do chuir am ſhuighe a
gcathaoir Dháibhi mathar mé, agus
noch do rinne tigh dhamh, mar do
gheall ſé, cuirfighthear Adonijah chum
báis a niugh.
25 Agus do chuir an Rígh Solamh lé
láimh Bhenajah mhic Jehoiada, agus do
thiomáin air gur mharbh é.
26 Agus a dubhairt an Rígh ré
Abiatar an Sagart, imthighſi go Ha-
natot dot mhachairibh féin, óir do thuill
tú bás: acht ní chuirſe miſi chum báis
a nuairſe thú, do bhrígh gur iomchair
tú Airc an Tighearna Día roimhe
Dháibhi mathair; agus do bhrígh gur
fhuláing tú anſhódh an gach áit ar iom-
chuir mathair anſhódh.
27 Marſin do theilg Solamh Abia-
tar amach ó bheith na Shagart ag an Tti-
ghearna; go ccoimhlionadh ſé focal
an Tighearna, noch do labhair ſé a
ttaoibh thighe Eli ann Siloh.
28 Annſin tháinic ſcéula go Jóab
(óir dfill Jóab le Adonijah, giodh nar
iompóigh ſé a ndiáigh Abſolon) agus
do theith Jóab go Tabearnacuil an Ti-
ghearna, agus do ghlac greim ar bhean-
naibh na haltóra.
29 Agus do hinnſeadh don Rígh So-
lamh gur theith Joab go tabearnacuil an
Tighearna, agus, féuch, atá ſé ag an nal-
tóir; ann ſin do chuir Solamh Benajah
mhac Jehoiada, gha rádh, imthigh, tio-
máin air.
30 Agus thainic Benajah go tabear-
nacuil an Tighearna, agus a dubhairt ris,
as marſo a deir an Rígh, tárr amach:
agus a dubhairt ſeſion, ní rachad, achd
do gheabha mé bás annſo. Agus thug
Benajah ſcéula chum an Rígh a rís, gha
rádh, marſo a deir Jóab, agus marſo do
fhreagair ſe miſi.
31 Agus a dubhairt an Rígh ris,
déana mar a dubhairt ſé riot, agus
tiomáin air, agus adhlaic é; ar chor
go mbéara tú a nfuil neimhchiontach
do dhoirt Jóab, uáimſe agus ó thigh
mathar.
32 Agus fillfidh an Tighearna a fhuil
ar a cheann féin, nóch do thiomáin ar
dhís do dháoinibh budh fíréanta, agus do
bfearr ná é féin, agus do mharbh ſé iad
leis an ccloidheamh, gan a fhios ag ma-
thair Dáibhi; Abner mhac Ner, caiptín
ſlóigh Iſrael, agus Amaſa mhac Jeter,
caiptín ſlóigh Júdah.
33 Fillfidh a bhfuilſion uimeſin ar
cheann Jóab, agus ar cheann a ſhleachda
go bráth; acht air Dháibhi, agus air a
ſhliochd, agus air a thigh, agus air a
chathaóir ríogha, biaidh ſíothcháin go
bráth ón Ttighearna.
34 Ann ſin do chuáidh Benajah mhac
Jehoiada ſúas, agus do thiomáin ſé
air, agus do mharbh ſé é; agus do
hadhlaiceadh é ann a thigh féin ann
ſa bhfáſách.
35 Agus do chuir an Rígh, Benajah
mhac Jehoiada iona áit ós cionn an
tſlóigh; & do chuir an Rígh Sádoc an
ſagart a nionad Abiathair.
36 Agus do chuir an Rígh, agus
do ghoir ſé ar Shimei, agus a dubhairt
ſé ris, tóg tigh dhuit féin ann Jeru-
ſalem, agus déan comhnuigh ann ſin,
agus ná héirigh as ſin amach a mball
ar bith.
37 Oir is amhluidh bhias, an lá ra-
chas tú amach, agus ghéubhus tú tar a
nabhuinn Cidron anonn, bíodh a fhios
agad go bhfuighe tú bás air gach éanchor:
biaidh thfuil ar do cheann féin.
38 Agus a dubhairt Símei ris an
Rígh, is maith an chaint, mar a dubhairt
mo thighearna an Rígh, is mar ſin
dhéanas do ſhearbhfhoghantuigh. Agus
do rinne Símei comhnuigh ann Jeruſa-
lem mórán do laéthibh.
39 Agus tárla a gcionn thrí mbliadhan
gur imthigheadar días do ſheirbhíſea-
chuibh Shimei uadh chum Achis mhic
Maachah Rígh Gát: agus dinnſeadar
[dáoine] do Shímei, gha rádh, féuch
atáid do ſheirbhíſigh ann Gát.
40 Agus déirigh Símei, agus do chuir
diallaoid ar a aſal, agus do chuaidh go
Gát mar a raibh Achis diarruidh a
ſheirbhíſeach; agus dimthigh Símei, agus
thug a ſherbhíſigh leis ó Ghát.
41 Agus do hinnſeadh do Sholamh go
ndeachaidh Símei ó Jeruſalem go Gát,
agus go ttáinic ſé a rís.
42 Agus do chuir an Rígh gairm ar Shí-
mei, & a dubhairt ſé ris, nach dtug mi-
ſi

ſi ortſa mionnughadh ſan Ttighearna,
agus nach ar dhearbh mé dhuit, dhá
rádh, bíodh a deimhin agad go dearbh-
tha, an lá rachas tú amach, agus im-
theochus tú ann ſo nó ann ſúd, do ghea-
bha tú bás go deimhin? agus a dubhairt
tuſa riom, an focal do chúala mé, is
maith é.
43 Cred fá nar chomhuill tú mar ſin
mionna an Tighearna, agus a naithne
do aithin miſi dhíot?
44 A dubhairt an Rígh fós re Şimei,
is aithnid dhuit féin a nuile olc is fios
dot chroidhe do rinne tú rem athair
Dáibhi: uime ſin fillſe an Tighearna
holc air do cheann féin.
45 Agus biaidh an Rígh Solamh
beannuigh, agus daingneochar cathaóir
ríogha Dháibhi a lathair an Tighearna
go bráth.
46 Ann ſin do aithin an Rígh do
Bhenajah mhac Jehoiada, noch do
chuáidh amach, agus do thiomáin air,
go bhfuair ſé bás: agus do daing-
nighadh an ríoghachd a laimh Sho-
laimh.

CAIB. III.

Solamh ag iarraidh Tuigſe a ttùs. 12. Do fuair fós ò Dhia, ſaidhbhreas & onóir.

AGus do rinne Solamh cleamhnus re
Phárao Rígh na Hégipte, agus
thug ſé inghean Phárao, agus rug leis
í go cathruigh Dháibhi, nó gur
chríochnuigh a thigh féin do chur ſuas,
agus tigh an Tighearna, & balla Ieru-
ſalem fá gcuáirt.
2 Amháin do nídis an pobal íodh-
buirt air na hárduibh, do bhrígh nar
tógbhadh fós tigh dainm an Tighearna
gus na laethibhſin.
3 Agus do ghrádhuigh Solamh an Ti-
ghearna, ag imtheachd a ſtatúidibh Dhái-
bhi a athar: amháin do níodh ſé íodh-
bairt, & do loiſceadh túis ar na hárduibh.
4 Agus do chuáidh an Rígh go Gibeon
díodhbuirt ann ſin; óir do bé ſin an
tárd mór: míle ofráil loiſge dofráil So-
lamh ar a naltóir ſin.
5 A Ngibeon do taibhreadh an Tigh-
earna a naiſling do Sholamh annſa
noidhche; & a dubhairt Día, Jarr cred
bhéaras mé dhuit.
6 Agus a dubhairt Solamh, do thais-
béin tú dot ſhearbhfhoghantuigh Dáibhi
mathair, trócaire mhór do réir mar do
ſhiubhail ſé ad fhiadhnuiſe a bhfírinne,
agus a ndíoghruis, agus a bhfíréantachd
chroidhe maille ríotſa; agus do choimh-
éud tú dhó an cinéul mórſo, go ttug
tú dhó mac do ſhuidhe iona chathaoír
ríogha, mar atá a niugh.
7 Agus anois a Thighearna mo Dhía,
do rinne tú Rígh dot ſhearbhfhoghan-
tuigh a náit Dhaibhi mathar, agus miſi
am leanamh bheag, ní fheadair mé
cionnus do rachuinn amach, nó do thioc-
fuinn a ſteach.

8 Agus atá do ſhearbhfhoghantuigh [...]
lár do phobail, noch do thogh tú, [...]
bal mór nach féidir áireamh nó [...]
air iomadamhlachd;
9 Tabhair ar a nadhbharſin dot ſhear-
bhfhoghantuigh croidhe tuigſeach, [...]
dhéanamh breitheamhnuis air do phob[...]
chor go ttuigſe mé eidir an maith & [...]
tolc: óir cía fheadas breitheamh[...]
do dhéanamh air do phobalſa atá com[...]
mór ſo?
10 Agus do thaitin an glór ris [...]
Ttighearna, gur íarr Solamh an níſe.
11 Agus a dubhairt Día ris, [...]
bhrígh gur íarr tú an níſe, agus nar íarr
tú dhuit féin ſaoghal fada, agus nar
íarr tú ſaidhbhrios duit féin, agus nar
íarr tú bás do námhad achd gur íarr
tu dhuit féin tuigſe do lérſhaicſin
breitheamhnuis;
12 Féach do rinne mé do réir thfocail;
féach thug mé dhuit croidhe glic tuigſeach
iondus nach raibh éanduine coſmhuil riot
romhad, ni mó éireochus éanduine ad
dhiáigh budh coſmhuil riot.
13 Agus thug mé dhuit mar an
gcéadna an ní nach ar íarr tú, ſaidhbh-
rios aráon & onóir: iondus nach biáidh
áon coſmhuil riot a meaſc na Ríogh, ar
feadh do bheatha uile.
14 Agus má ſhiubhluighionn tú am
ſhlighthibhſi, do choimhéud mo reachda
agus maitheanta, mar do ſhiubhail ha-
thair Dáibhi, ann ſin faideochaidh mé
do laethe.
15 Agus do mhúſcail Solamh, agus
féuch dob aiſling í: agus tháinic ſé go
Hieruſalem, agus do ſheas a bhfiadhnuiſe
airce chunnartha an Tighearna, agus
dofráil ſé ofrála loiſge, agus díodh-
buir ſé ofrála ſíothchána, agus do
rinne ſé féuſta dhá ſhearbhfhoghan-
tuighibh uile.
16 Ann ſin thangadar días ban, do
bhí na meirdreachaibh chum an Rígh, &
do ſheaſadar iona fhíadhnuiſe.
17 Agus a dubhairt bean díobh, ó a
Thighearna, comhnuighim féin agus an
bheanſo a néintigh, agus rug miſi lea-
namh na fochair annſa tigh.
18 Agus tárla an treas lá tar éis a
bheartha dhamh, go rug an bheanſa
leanamh mar an gcéadna: agus do bhí-
mar a bhfochair a cheile, agus ní raibh
coimhitheach ar bith ar bhfarradh ann ſa
tigh, achd ſinn féin aráon annſa tigh.
19 Agus fuáir leanamh na mnáſa
bás annſa noidhche, tre mar do throm-
luidh ſí air.
20 Agus déirigh ſí ſan meadhón
oidhche, agus rug ſí mo mhac uaimſi
óm tháobh, ar mbeith dot bhanóglaich
na codladh, agus do chuir ſí iona brol-
lach é, agus do chuir ſí a leanamh
marbh ann mo bhrollachſa.
21 Agus a nuáir déirigh mé ar maidin
do thabhairt cíche dom leanamh, féuch
do bhí ſé marbh; achd a nuáir dféach
mé

...é air maidin go grinn air, féuch ni hé
...mhac do bhí ann, noch do rug mé.
22 Agus a dubhairt an bhean oile, Ni
...dh, acht is liomsa an mac béo, a-
...is é an marbh do mhacsa : & a dubh-
...si,Ni headh,is é an marbh do mhacsa
...an béo mo mhacsa. Marso a deir-
...a lathair an Righe.
23 Ann sin a dubhairt an Rígh, a
...r si so, sé so mo mhacsa atá béo,
...a sé do mhacsa an marbh : A-
...a deir si sid, ní headh, achd is é
...mhacsa atá marbh, agus mo mhac-
...béo.
24 Agus a dubhairt an Rígh, tugthar
...lheamh chugam; & tugadh cloi-
...mh chum am Rígh.
25 Agus a dubhairt an Rígh, Roin-
...h an leanabh béo na dhá cuid, agus
...idh leath dáon aca, agus leath
...a [mhnaói] oile.
26 Ann sin do labhair an bhean ler
...an leanabh béo ris an Rígh, (óir do
...a bhionathar ar crioth fá na mac
...) agus a dubhairt sí, ó mo thighear-
...tabhair dhise an leanabh béo, agus
...marbh é air éanchor: achd a dubhairt
...bhean oile, Ná bíodh sé agamsa nó a-
..., achd róinntear é.
27 Ann sin do fhreagair an Rígh, a-
...a dubhairt sé, tabhruidh dhise an
...nabh béo, agus ná marbhuidh ar
...chor é; a si a mhathair í.
28 Agus do chúala Israel uile an
...breath rug an Rígh, agus do bhí eagla
...Rígh orra: óir do chonncadar go
...gliocus Dé ann, do dhéanamh
...breitheamhnuis.

CAIB. IV.

*...chus, 20 Riaghlughadh, 29 &
...cus Sholaimh.*

MAr sin do bhí an Rígh So-
lamh na Rígh ós cionn Is-
rael uile.
2 Agus a síad so na prionnsadha do bhí
...: Asariah mhac Sádoc an sagart :
3 Elihoreph, agus Ahiah, mic Shisa,
...a scribhnéoruibh : Jehosaphat mhac
Ahilud na sheanchuigh :
4 Agus Benajah mhac Jehoiada ós
cionn an tslóigh : agus dob íad Sádoc
agus Abiatar na sagairt :
5 Agus Asariah mhac Nátain ós
cionn na noifigeach : agus bá he Sabud
mhac Nátain an priomh-oifigeach, cara
an Rígh.
6 Agus do bhí Ahisar ós cionn an
teaghlaigh, agus Adoniram mhac Abda
ós cionn a nairdchiosa.
7 Agus do bhádar dhá fhear dhéug
...oifigeachaibh ag Solamh, ós cionn Israel
uile, noch do sholáradh beath don Rígh,
agus dá theaghlach ; do níodh gach aon
...a ullmhughadh ann a mhí féin san
...bhliadhain.

8 Agus a síad so a nanmanna : mac
Hur a sliabh Ephraim.
9 Mac Decar ann Macas, agus ann
Saalbim, agus a Mbet-semes, agus a
Nelon-bet-hanan.
10 Mac Hesed ann Arubot : is ris
do bhean Sochoh, agus dúithche Hé-
pher uile.
11 Mac Abinadab a ttír Dor
uile, agá raibh Taphat inghean Sho-
luimh na mnaói.
12 Baana mhac Ahilud, as ris do
bhean Taanach, agus Megiddo, agus
Bet-sean uile, noch atá láimh re Sarta-
na, taóibh shíos do Jesreel, ó Bhet-sean
go Habel-meholah, go nuige taobh thall
do Iocneam.
13 Mac Ghéber ann Ramot-Gilead,
ba leis bailte Jair mhic Manasseh, noch
atá a Ngilead : ba leis mar an gcéadna
tír Argob, noch atá ann Basan, trí
fithchid cathair mhór go mballadhuibh,
agus go mbarradhuibh práis.
14 Abinadab mhac Iddo, is aige do
bhí Mahanaim.
15 Ahimaas do bhí ann Naphtali : a
sé thug mar an gcéadna Basmat in-
ghean Sholuimh na mnaói.
16 Baanah mhac Chúsai do bhí ann
Aser, agus ann Alot.
17 Jehosaphat mhac Paruah ann
Issachar.
18 Simei mhac Elah ann Benja-
min :
19 Geber mhac Uri do bhí a ttír
Ghilead, a ttír Shihon Rígh na Nam-
oriteach, agus Og Rígh Basan;
agus dob eision amhain oifigeach na
tíre uile.
20 Do bhí Júdah agus Israel líonmhar;
mar an ngaineamh bhíos láimh ris an
bhfairge ar lionmhaireachd, ag ithe,
agus ag ól, & ag déanamh súgaidh.
21 Agus do ríaghluidh Solamh ós
cionn a nuile ríoghachd, ó nabhuinn go
crích na Bhphilistineach, & go brúach
na Hégipte : do bheirdís tiodhluicthe
leó, agus do rinneadar seirbhís do Sho-
lamh ar feadh laéthe a bheatha.
22 Agus do bé biadh Sholuimh a
neanló amháin, Tríochad miosúr do
phlúr mhín, agus tri fithchid miosúr
mine.
23 Deich ndaimh bhiata, agus fithche
damh don ninnbhear amuigh, agus céad
cáora, táobh amuigh do cháirrfhíadhuibh,
agus do phocaibh fionna, & dfíadhuibh
rúadh, & déunlaithibh biata.
24 Oir do bhí tighearnas aige ós
cionn na tíre uile don táoibhse don na-
bhuin, ó Thiphsah air fad go Hassah,
ós cionn na Ríogh uile don táoibhse
don nabhuinn : agus do bhí síothchain
aige ann gach uile thaobh na thim-
chioll.
25 Agus do chomhnuidh Júdah agus
Israel go socair gach uile dhuine san fhí-
neamhuin, agus fána chrann fíge féin,

ó Dhan go Beerſéba, an fad do mhair
Solamh.

26 Agus do bhí ag Solamh dha fhi-
thchiod míle mainnſéar each da char-
badaibh, agus dá mhíle dhéug mar-
cach.

27 Agus dullmhaighedís na hoifigidh
ſin bíadh do Sholamh an Rígh, agus a
nuile ní dá ttigeadh go bórd an Rígh
Solamh, gach áon aca ann a mhí féin:
ní bhíodh éinní deasbhuidh orra.

28 Do bheirdís mar ſin eórna,
agus tuighe dá neachaibh, agus dá nea-
chaibh coimhlionga, go nuige a náit a
mbídís na [hoifigidh] gach éanduine do
réir a úaluigh féin.

29 Agus thug Día gliocus agus tuigſi
do Sholamh go hanmhór, agus fairſinge
chroidhe, amhuil mar bhíos an gainiomh
ata ar thraigh na fairge.

30 Agus do ſháruigh gliocus Sholuimh
críonnachd chloinne a noirthir uile, agus
gliocus na Hégipte uile.

31 Oír ba glioca é ná dáoine an do-
mhuin; ná Etan an Teſrahíteach, agus
Héman, & Chalcol, agus Darda, clann
Mhahol; agus do bhí a iomrádh annſa
nuile chrích air gach éantáoibh.

32 Agus do labhair ſé trí mhíle ſean-
fhocal, agus a dhánta do bhádar míle
agus a cúig.

33 Agus do labhair ſe ar chrannuibh,
ón chrann céadair atá a Lebanon go nui-
ge an Niſóip fháſas amach as an mballa;
do labhair ſé mar an gcéadna ar ain-
mhintibh, agus air chreatúiribh ſnámh-
acháin, agus air íaſcaibh.

34 Agus tangadar do nuile dhroing
déiſteachd ré gliocus Sholuimh, ó Río-
ghaibh an domhuin uile do chúala teachd
tar a eagna.

CAIB. V.

Tug Hiram adhmad & Sáoir do Sholamh, a bfreaſdal an Teampuill.

AAus do chuir Hiram Rígh Tíor a
ſheirbhiſigh go Solamh, a nuair
do chualuidh ſé gur ungadar é ná Rígh
a nionad a athar; óir bá caruid do
Dháibhi Hiram a riamh.

2 Agus do chuir Solamh fios go Hí-
ram, gha radh.

3 Atá a fhios agadſa ciondus nar
fhéud mathair Dáibhi tigh do chur
ſúas dainm a Thighearna Dé, do bhrígh
an chogaidh do bhí na thimchioll ann
gach uile tháobh, nó gur chuir an Ti-
ghearna faoi bhonnuibh a chos íad.

4 Achd annois thug mo Thighearna
Día ſuaimhnios air gach áontáobh,
iondus nach bhfuil námhuid ná olc ag
teachd orum.

5 Agus féuch, is mían leam tigh chur
ſúas dainm mo Thighearna Dé, mar do
labhair an Tighearna rem athair Dáibhi
ga rádh, do mhac noch chuirfios mé ad
ionad ann do chathaoir ríogha, cuirfe ſé
tigh ſúas dom ainmſi.

6 Annois ar a nadhbharſin, tabhair
aithne go ngéarrfaid damhſa crainn cé-
dair an Lebanon, & béid mo ſheirbhi-
fhoghantuighidhſi maille led ſhearbh-
fhoghantaibhſe; agus do bhéara mé tua-
ruſdal do ſherbhiſeach dhuitſe do réir
gach a nóirdeocha tú féin óir ata a fhios
agad nach bhfuil eadruinne dáoine ag a
bhfuil eólus ar adhmad do ghearradh,
coſmhuil ris na Sidónianachaibh.

7 Agus tárla a núair do chúaluidh
Hiram bríathra Sholuimh, go ndéarna
lúathgháire mhór, agus a dubhairt, go
madh beannuigh a niugh an Tighearna,
noch thug do Dháibhi mac glic ós cionn
an phobail mhóirſe.

8 Agus do chuir Hiram fios go
Solamh, gha rádh, do mheas mé na
neithe air ar chuir tú fios chugam, agus
do dhéana mé do thoil uile a ttaobh
adhmaid Cédair, agus a ttaobh adh-
muid giumhuis.

9 Bearuid mo mhuintirſe ſíos íad ó
Lebanon go nuige an bhfairge, agus
cuirfe mé ar ſiubhal íad ar fairge a
mbáduibh, go nuige a náit a nóirdeo-
cha tú dhamh, agus do bhéara mé ſa
deara a bhfágbháil ann ſin, agus glacſa
tuſa íad: agus coimhlíonſa tú mo
thoil a mbíadh do thabhairt dom
mhuintir.

10 Marſin thug Híram crainn cédair
do Sholamh, agus crainn ghiumhuis, mar
ba mían leis.

11 Agus thug Solamh do Hiram fithche
míle mioſúr cruithneachda, mar bheatha
da mhuintir, & fithche mioſúr dola
fhiórghlain: marſo do bheireadh Solamh
do Hiram ó bhlíadhuin go blíadhuin.

12 Agus thug an Tighearna eagna do
Sholamh, mar do gheall ſe dhó: agus
do bhí ſíothcháin eidir Sholamh agus
Híram: agus do rinneadar aríon cen-
gal re chéile.

13 Agus do thóg an Rígh Solamh
éirghe-amach ó Iſrael uile, & do bhí an
néirghe-amach, tríochad míle fear.

14 Agus do chuir ſé go Lebanon íad,
deich míle an ſa mí, gach re núair: do
bhidís mí a Lebanun, agus dhá mhí
ſan mbaile: agus do bhí Adoniram ós
cionn na heírghe-amach.

15 Agus do bhí ag Solamh trí fithchid
agus deich mile, noch diomchradh úal-
uidhe, agus ceithre fithchid míle
ſnoigheadóir ann ſna ſléibhtibh.

16 Taobh amuigh do na húachdarái-
nuibh do bhí ar oifigeachaibh Sholuimh,
noch do bhí ós cionn na hoibre, trí mhíle
& trí chéad do ríaghladh ós cionn na
ndaóineadh do oibrigh an ſa nobair.

17 Agus dfuágair an Rígh; agus te-
gadar clocha móra leó, clocha mór-
luaigh, agus clocha ſnoighte, do chur
bunaîte an tighe na ſhuidhe.

18 Agus ſaoir Sholuimh, agus
ſaóir Hiram, agus na ſnoigheadóiridh
cloch do ſhnoigheadar íad; mar ſin do
ghléuſadar

ghlésadar admhad agus clocha do chur
an tighe suas.

CAIB. VI.

Solamh, 37 Agus cur súas an Teampuill.

AGus tárla annsa cheathramhadh
céad, agus ceithre fithchid bliadhain
ó chloinne Israel do theachd amach
a tír na Hégipte, ann sa cheathramhadh
bliadhain do ríoghachd Sholuimh ós
cionn Israel, ann sa mí Sif, sé sin an
dara mí, do thionnsguin sé tigh an Ti-
ghearna do chur suás.
2 Agus an tigh do rinne an Rígh
Solamh don Tighearna, do bhí trí fith-
chid cubhad ar fad ann, agus fithche
cubhad na leithead, agus tríochad cu-
bhad na áirde.
3 Agus an póirse as coinne theampuill
an tighe, ba fithche cubhad a fhad, do
réir leithid an tighe, & deich ccubhaid
a leithiod as coinne an Tighe.
4 Agus do rinne sé don tigh fuinneóga
le solus chumhaing.
5 Agus re balla an tighe gach éan-
taobh do thóg sé séomradha, timchioll
balladha an tighe sa gcuàirt, éidir
teampall agus oracuil: agus do rinne
séomradha sa gcuáirt.
6 An séomra íachdarach do bhí cúig
cubhaid ar leithne ann, agus an séomra
[illegible] sé cubhaid ár leithne, agus an
treas séomra seachd ccubhaid ar leithne:
óir don táobh amuigh do rinne sé bárr
[illegible] cumhang sa gcuairt, chum nach
[illegible] na saltacha ceangailte a mbal-
ladhuibh an tighe.
7 Agus an tigh, an tan do bhí sé
dhá chur suas, do chloich do rinneadh é,
ar na déanamh réigh suil tugadh annsin í
[illegible] nach clos órd, nó túagh, nó ball
[illegible] ar bith iarruin annsa tigh an
[illegible] do bhí sé dha chur súas.
8 Do bhí dorus an tséomra mhéa-
dhónaigh ar an ttáobh ndeas don tigh,
agus do theighdis suas don tséomra
meadhónach le staidhrighibh casda,
agus as an meadhónach don treas
séomra.
9 Mar sin do rinne sé an tigh, agus
do chríochnuigh é, agus do chuir sé
[illegible] air an ttigh le saltachaibh agus
le clárduibh Cédair.
10 Ann sin do rinne sé séomradha
timchioll an tighe uile, cúig cubhaid ar
áirde: agus do bhádar na luidhe anonn
ar an ttigh, le hadhmad Cédair.
11 Agus tháinic focal an Tighearna
chum Soluimh dhá rádh.
12 A ttaobh an tighesi atà tú cur
suas, má shiubhluighionn tú am reachd-
uibh, agus mo bhreitheamhnuis do
[illegible] a ndéanamh, & maitheanta uile
do choimhéad, ag siubhal ionta, coimh-
lionfa misi mfocal annsin duitse, noch do
labhair mé le Dáibhi hathair.
13 Agus biaidh mé am chomhnuidhe
a measg chloinne Israel, agus ní thréigfe
mé mo phobal Israel.
14 Mar sin do rinne Solamh an tigh,
agus do chríochnuigh é.
15 Agus do rinne se balladha an
tighe a stigh do chláruibh Cédair,
aráon urlár an tighe agus na balladha
don taóibh a stigh, agus dfoluigh sé
táobh a stigh íad lé hadhmad, agus
dfoluigh sé urlár an tighe le cláruibh
giumhuis.
16 Agus do rinne sé fithche cubhad ar
tháobhuibh an tighe, an turlár aráon
agus na balladha, le cláruibh Cédair:
do rinne sé a stigh dhó iad, don ora-
cuil ansa náit ronaómtha.
17 Agus an tigh, martá an teampall
atá as a choinne, do bhí ceathrachad
cubhad ar fad ann.
18 Agus do bhí Cedair an tighe táobh
a stigh, grábhálta le cnapuibh, agus lé
bláthuibh osguilte: do budh cédar uile
é, ní facus cloch ann.
19 Agus do ghléus sé an toracuil a
stigh annsa tigh, do chur Airce chunnar-
tha an Tighearna ann.
20 Agus do bhí annsa chuid thosuigh
don noracuil fithche cubhad air fad, a-
gus fithche cubhad air leithead, & fithche
cubhad air áirde: agus dfoluigh sé é lé
hór fíorghlan: agus as marsin dfoluigh
sé a naltóir Chedair.
21 Marsin do chuir Solamh folach
táobh a stigh don tigh dór fhíorghlan:
agus do rinne sé lanntaóir ag na slabh-
radhuibh óir as coinne an Noracuil, agus
do chuir folach dór air.
22 Agus dfoluigh sé an tigh uile
le hór, nó gur críochnuigh sé an tigh
uile: dfóluigh sé mar an gcéadna a
naltóir do bhí láimh ris a noracuil le hór.
23 Agus do rinne sé dhá Cherubín a
stigh san oracail do chrann ola, deich
ccubhaid ar áirde ann gach áon díobh.
24 Agus do bhí cúig cubhaid a
sciathán don cherubín, agus cúig cu-
bhaid ansa sciathán oile don cherubín:
ón ccuid dob fhaide amach daon
sciathán go nuige an ccuid dob fhaide
amach don [sciathán] oile, do bhádar
déich ccubhaid.
25 Agus do bhí deich ccubhaid annsa
Cherubín oile: do bhádar an dá Che-
rubín déanmhiosúr, agus déanmhéid.
26 Do bhí deich ccubhaid ar áirde
ann aon cherubín, agus as marsin do
bhí annsa cherubín oile.
27 Agus do shuighidh sé na che-
rubinigh annsa tigh do bhaide a steach,
agus do shíneadar na cherubinigh a
sciatháin amach, iondus gur bhean
sciathan áon cherubin díobh ris an
mballa, agus gur bhean sciathán an che-
rubin oile ris an mballa oile: agus do
bheanadar na sciatháin ré céile a mea-
dhon an tighe.

28 Agus

28 Agus dfoluigh ſé na cherubinigh
le hór.
29 Agus do bhreacuigh ſé balladha
an tighe uile ſa gcuairt le ſioghrachuibh
breacuighe cherubinigh, agus chrann
pailme, agus luibhionn oſcuilte a ſtigh
agus a muigh:
30 Agus dfoluigh ſe urlár an tighe lé
hór a ſtigh agus amuigh.
31 Agus do dhorus an Noracuil do
rinne ſé comhluigh do chrann ola; ba
hé an cúigeadh cuid don [bhalla] an
fárdorus agus na hurſanna.
32 Do bhádar an dá dhorus mar an
gcéadna do chrann ola, agus do ghearr
ſé orra ſin breacughadh Cherubinigh,
agus chrann pailme, agus bhlatha
oſcuilte, agus dfoluigh ſé iad le
hór, agus do ſhrathnuigh ſé ór air na
cherubinibh agus ar na crannuibh
pailme.
33 Mar ſin fós do rinne ſé do dhorus
an teampuill, poſtadha do chrann ola, an
ceathramadh cuid [don bhalla.]
34 Agus do bhádar an dá dhorus do
chrann giumhuis, do bhadar dhá dhuilleóig
dhoruis díobh ag filleadh, agus dhá dhuil-
leóig dhoruis oile ag filleadh.
35 Agus do ghearr ſé [orra
ſin] cherubinigh, agus crainn phailme,
agus blátha oſcuilte, agus dfoluigh
ſé iad lé hór, cumtha leis a nobair
ghéarrtha.
36 Agus do chuir ſé ſúas an
cúirt a ſtigh lé trí phéirſibh do chloch-
aibh ſnoighte, águs ſé phéirſe do ſhal-
tachaibh Cédair,
37 Ann ſa cheathramhadh bliadhain
do ſuigheadh bunáit thighe an tighearna
annſa mí, Sif.
38 Agus anſa naonmhadh bliadhain
déug a mí Bul (noch aſi an tochdmhadh
mí) do críochnuigheadh é ann gach
uile chuid de, agus réir gach uile
chuma dhe; marſin do bhí ſé ſeachd
mbliadhna dhá dhéanamh,

CAIB. VII.

Palás. 2 & Grianán Sholaimh. 13 Le Córughadh an Teampuil.

ACh do bhí Solamh ag déanamh
a thighe féin trí bliadhna déug, &
do chríochnuigh ſe a thigh uile.
2 Do chuir ſé ſúas mar an gcéad-
na tigh ſhoraoiſe Lebanon, céad cu-
bhad do bhí ann air fad, agus cáo-
gad cubhad air leithead, agus tríochad
cubhad air áirde, ar cheithre phéirſe
do philéuruibh Cédair, agus ſaltacha
Cédair ar na piléuruibh.
3 Agus do bhí ſé foluighthe lé
Cédar ós a chionn ar na ſaltachaibh,
noch do bhí air cháig agus cheath-
rachad piléur; a cúig déug ann gach
péirſe,
4 Agus do bhádar fuinneoga a ttrí
phéirſe, agus ſolus ar aghaidh ſholuis a
ttrí ccúrſa,
5 Agus do bhádar na doirſe, a-
gus na poſtadha ceathairbhéannach
maille ris na fuinnéogaibh: agus do
bhí ſolus ar aghaidh ſholuis a ttrí
ccúrſa.
6 Agus do rinne ſe póirſe piléur,
ann a raibh caogad cubhad air fad, a-
gus tríochad cubhad air leithead: agus
do bhí an póirſe dhá réir ſin, agus na
piléir eile, agus na ſaltacha reamhra
dha réir ſin.
7 Ann ſin do rinne ſe poirſe don
chathaóir ríogha mar a mbíadh ag bre-
theamhnus, eadhon póirſe an bhreithea-
mhnuis; agus do bhí foluighthe le Cé-
dar ó thaobh don nurlár go tti an
táobh oile.
8 Agus a thigh iona raibh ſé na
chomhnuighe, do bhí cúirt oile an táobh a
ſtigh don Phóirſe, noch do bhí don ob-
bair chéadna. Do rinne Solamh tigh for
dinghin Phárao, (noch thug ſe na mnáoi)
coſmhuil ris an bpóirſiſe.
9 Do bhádar ſo uile do chlochaibh
mórluáigh do reír mhioſúir chloch ſno-
ighte, ar na ngearradh le toirioſgaibh a
ſtigh & amuigh, eadhon ó íachdar go
húachdar; agus mar ſin ar an ttaobh
amuigh leath ris an gcúirt mhóir.
10 Agus do bhí an bhunáit do chlo-
chaibh mórluáigh, eadhon clocha móra,
clocha do dheich ccubhaduibh, & clocha
do ocht ccubhaduibh.
11 Agus do bhádar ſhuas clocha mór-
luáigh, (do réir mhioſúir chloch ſnoigh-
te) agus Cédair.
12 Agus do bhí an chuirt mhór
timchioll, fa thrí chúrſa do chlochaibh
ſnoighte; agus cúrſa do ſhaltachaibh
cédair: air an modh ccéadna an chúirt do
bſaide a ſteach do thigh an Tighear-
na, agus póirſi an tighe.
13 Agus do chuir an Rígh Solamh fios
agus thug Híram as Tíor, chuige.
14 Budh mac baintreabhuigh é, do
threibh Naphtali, agus duine do Thír
a athair, oibrighthe a bprás: do bhí
ſe líonta dintleachd agus do thuigſe, agus
glic doibriughadh gach uile oibre
phráis: agus thâinic ſé chum Soluimh,
agus do rinne ſe a obair uile.
15 Oir do theilg ſé dhá philéur
a rabhadar ocht ccubhaid déug an gach
piléur dhíobh: agus do thigeadh cor-
da dhá chubhad déug timchioll gach
piléur aca.
16 Agus do rinne ſé dhá cheann do
phrás leaghtha ré a ccur ar mhullach
na bpiléur; áirde chinn díobh cúig cu-
bhaid, agus áirde an chinn oile cúig
cubhaid.
17 Agus líonradh dobair chroſáigh
agus figheacháin dobair ſhlabhraidh
chum na gceann do bhí ar mhullach na
bpiléur: a ſeachd do cheann díobh, agus
a ſeachd do cheann oile.
18 Agus do rinne ſé na piléir,
agus dhá chúrſa fá gcuáirt ar líonobair
dhíobh,

dhíobh, dfolach na cceann do bhí ar an
mullach, maille re pomgranatuibh:
agus is mar sin do rinne sé ris an gceann
oile.
19 Agus na cinn do bhí a mullach
na bpiléur, do bhádar dobair lile annsa
bpoirse, ceithre cubhaid.
20 Agus na cinn ar a dá philéur, do
bhí pomgranait orra shuas: thall as
coinne an bhuilg laímh ris a nobair lín:
agus do bhí dha chéud annsna pomgrana-
tuibh na ccúrsadhuibh timchioll sa gcu-
airt ar an cceann oile.
21 Agus do chuir sé súas na piléir
a bpoirse an teampuill: agus do
chuir sé súas an pileur deas, agus tug
sé Jachin dainm air: agus do chuir sé
an pileur clé súas, agus thug Boas
dainm air.
22 Agus ar mhullach na bpiléur do
bhí obair lile: mar sin do bhi obair na
bpiléur criochnuighthe.
23 Agus do rinne sé fairge leagh-
tha, deich ccubhaid ón bhruach go
cheile: do bhí sí cruinn gach éantáobh;
agus do bhí cuig ccubhaid na háirde,
agus tháinic snáithe thríochad cubhad
uimpe a cumpás sa ccúairt timchioll.
24 Agus do bhádar cnapáin fá na
bhruach ag teachd na timchioll gach éan-
taobh; a deich annsa chubhad ag teachd
timchioll na fairge sa ccuáirt: do theilg-
eadh na mill a ndá chûrsa a núair do teil-
geadh é.
25 Do sheas sin ar dhá dhamh dheúg,
a trí ag féuchuin budh thuáigh, a tri ag
féuchuin siar, a trí ag féuchuin budh
dheas, agus a trí ag féachuin soir: &
do suigheadh a nfairge orra shuás, agus
do bhí a leith-deirigh uile a stigh.
26 Agus do bhi leithead baise ar
thiugheadus ann, & do bhí a bhruach sin
ar na dhéanamh mar bhrúach cupáin
maille re blathuibh lile: do chongmhadh
sé dhá mhile bát.
27 Agus do rinne sé deich mbása
práis; ceithre cubhaid a bhfad bása
dhíobh, ceithre cubhaid na leithiod, agus
trí cubhaid na áirde.
28 Agus ar an modhso do bhí obair
na mbása; agus do bhi imle orra, a-
gus do bhi na himle eidir na trasná-
nuibh.
29 Agus ar na himlibh do bhí idir
na trasnánuibh, do bhádar léomhain,
daimh, agus cherubinigh: & ar na trasná-
nuibh do bhi bása ós a ccionn: agus do
bhádar foirlíonta áirigh déanta dobair
thana faói na léomhanuibh agus na
damhuibh.
30 Agus do bhí ag gach ean bhása
ceithre roithléin phráis, agus plátadha
práis, agus do bhádar ag na ceithre
coirnéuluibh, iomchuir fútha: fan laibhéir
do bhí iomchair leaghtha ag taoibh
gach foirlíonta.
31 Agus an béul a stigh annsa
chceann aige, agus shúas, do bá cubhad é:
achd do bhí a bhéul cruinn do réir oi-
bre an bhása, cubad go leith: agus mar
an gcéadna do bhádar neithe greanta ar
a bhéul maille re na nimlibh ceathair-
bheannacha, ní cruinn.
32 Agus do bhádar ceithre roith-
léin fana nimlibh, agus mul na roith-
léan céangailte don bhása: agus dob é
áirde an roithléin cubhad, agus leath
chubhad.
33 Agus do bhí obair na roithléan
cosmhuil re hobair roithléan carbuid; a
mula agus a ccrúba, agus a rioghtha-
cha, do bhádair uile leaghtha.
34 Agus do bhádar ceithre gabhla
fulaing air cheithre coirnéuluibh an bhása:
agus do bhádar na gabhla fulaing sin
don bhása féin.
35 Agus do bhí compás cruinn a
mullach an bhása do leathchubhad ar
áirde; agus a mullach an bhása do bhá-
dar a thrasnáin, agus a imle don ní
chéadna.
36 Oir ar chaóin na gclár sin, agus
ar a nimlibh da grabháil sé cherubi-
nigh, agus leomhuin, agus crainn phail-
me, do réir mhéide gach aoin aca, agus
a bhfoirlíonta sa gcuáirt.
37 Ar an modhsa do rinne sé na
deich mbása; éan teilgean do bhí aca
uile, éanmhiosúr, agus éainmhéid.
38 Ann sin do rinne sé deich mbái-
sín práis, do chongmhadh báisín dhíobh
ceathrachad bát: agus do bhí ceithre
cubhaid ann gach éanbháisín, agus báisín
ar gach éan bhása do na deich mbà-
saibh.
39 Agus do chuir sé cúig bhása ar
an ttaóibh ndeas don tigh, agus cúig
ar an ttaóibh chlè don tigh: agus do shui-
ghidh sé a nfairge ar an ttáobh ndeas
don tigh leath shoir, as coinne an ta-
óibhe ó dheas.
40 Agus do rinne Hiram na láibhéir
agus na sluáiste, agus na báisínigh:
mar sin do chuir Hiram críoch ar dhéa-
namh na hoibre uile do rinne don Rígh
Solamh do thigh an Tighearna.
41 An dá philéur, agus an dá
cheannbhulla noch do bhí a mullach an
da philéur, agus an dá líonobair dfolach
an dá cheannbhulla, noch do bhí ar mhul-
lach na bpiléur:
42 Agus ceithre chéud pomgranat
don dá líonobair, eadhon dhá chúrsa
pomgranat da gach líonobair dhíobh,
dfolach an dá cheannbhulla do bhí ar
mhullach na bpilêur:
43 Agus na deich mbása, agus na
deich láibhéir ar na básaibh:
44 Agus éanfhairge amháin, agus dha
dhamh dhéug faói an nfairge:
45 Agus na potadha, agus na sluáiste,
agus na báisínidhe: agus ná soighthighsi
uile noch do rinne Hiram don Rígh So-
lamh do thigh an Tighearna, do bhádar
na bprás ghléaghlan.
46 A réiteach Jordan do theilg an
Rígh

Righ, íad, a bhfearann na halumhan bui-
dhe eidir Shuccoth agus Shartan.
47 Agus dfág Solamh na ſoigh-
thigh uile gan a ccur a comhthrom, do
bhrigh go rabhadar ro jomadamhuil; ní
mó frith fios comhthroim an phráis.
48 Agus do rinne Solamh na ſoigh-
thidhe uile do bhean re tigh an Tighear-
na; a naltóir óir, & an bórd óir ar a
raibh an tarán taiſbéunta.
49 Agus na coinnleóirigh dór fhíor-
ghlan, a cuig ar an ttáobh ndeas, a-
gus a cúig ar an ttaobh cclé as
coinne a Noracuil, maille ré na bhlái-
thibh, agus leis na lampadhuibh, agus
leis na teanchairighibh óir.
50 Agus na baiſinigh, agus na glan-
tóirigh, agus na cupáin, agus na ſpó-
noguidh, agus na túiſeóirigh, dór fhíor-
ghlan, agus na crúcadha óir, a ráon do
dhoirſibh an tighe a ſtigh do náit roná-
omhtha, agus do dhoirſibh an tighe mar
atá an teampall.
51 Mar ſin do críochnuigheadh a no-
bair uile do rinne an Righ Solamh do
thigh an Tighearna: & thug Solamh a ſte-
ach na neithe do choiſrig Dáibhi a athair
do Dhía, eadhon an tairgiod, & an tór,
agus na ſoithighe do chuir ſé a meaſc
ionmhuis thighe an Tighearna.

CAIB. VIII.

Toirbhbiotas an Teampuill chum ſeirbhiſe Dé.

AN ſin do chruinnigh Solamh ſinnſir
Iſrael uile, agus cinn na ttreabh,
priomhaithre chloinne Iſrael uile, gus an
Righ Solamh ann Jeruſalem, go ttugaidís
ſúas Airc chunnartha an Tighearna as
ccathruigh Dháibhi, ſí ſin Sion.
2 Agus do chruinnigheadar clann Iſ-
rael uile íad féin gus an Righ Solamh ar
an bhféuſta a mí Etanim, eadhon an
ſeachdmhadh mí.
3 Agus tangadar ſinnſir Iſrael uile,
agus do thógbhadar na ſagairt a Náirc
ſúas.
4 Agus thugadar ſúas Airc an Tigh-
earna, agus tabernacuil an chomhchruin-
nigh, agus a nuile ſhoitheach náomhtha
do bhí ſan tabernacuil, thugadar na
ſagairt agus na Lebhitigh íad ſin ſúas léo.
5 Agus do bhí an Righ Solamh, agus
comhchruinniughadh Iſrael uile, noch
do chruinnigh chuige a bhfochair a chéile
a bhfiadhnuiſe na Háirce, ag íodhbuirt
cáorach, agus damh, nár fhéidir innifin
nó áiriomh ar jomadamhlacht.
6 Agus thugadar na ſagairt a ſteach
Airc chunnartha an Tighearna dhá háit
féin, gó Horacuil an tighe, do náit is
rónáomhtha, eadhon faoi ſciathanuibh na
cherubinigh,
7 Oír do leathnuigheadar na cheru-
binigh a ndá ſciathán amach ós cionn
áite na háirce, agus dolchadar na
cherubinigh a náirc, agus a máideada
ſhúas.
8 Agus do thairngeadar amach na maid-
eadha, chor go bhfaicthi cinn na maid-
eadha amach ann ſa náit naomhtha a
coinne a noracuil, & ní facus a muigh
íad: & atáid annſin gus a niugh.
9 Ní raibh éainní ann ſa náirc achd
án dá chlár chloiche, noch do chuir
Maóiſe ann ag Hóreb, a nuair do rinne
an Tighearna cunnradh ré cloinn Iſrael,
a nuair thangadar amach as crích na
Hégipte.
10 Agus tárla a nuáir thangadar
na ſagairt amach as á náit ro ná-
omhtha, gur líon an néull tigh an Ti-
ghearna.
11 Jondus nár fhéadadar na ſagairt
ſeaſamh do mhinioſtralachd, tre
an néull: óir do líon glóir an Tighear-
na, tigh an Tighearna.
12 Ann ſin do labhair Solamh, A du-
bhairt an Tighearna go náitreochadh ſé
a ndorchadus tiugh.
13 Do rinne miſi go deimhin tigh
dhuit do dhéanamh comhnuighe ann, áit
chinnte dhuitſi dſanamhuinn ann go bráth.
14 Agus dfill an Righ a aghaidh, a-
gus do bheannuigh ſé comhchruinniugh-
adh Iſrael uile, (agus comhchruinniughadh
Iſrael uile na ſeaſamh.)
15 Agus a dubhairt ſeiſion, go madh
beannuigh an Tighearna Día Iſrael, noch
do labhair dá bhéul féin rem athair
Dáibhi, agus do choimhlion le na
láimh é, gha rádh.
16 On ló ſá ttug mé amach mo phobal
Iſrael as an Négipt, níor thogh mé éun
chathair amach as treabhuibh Iſrael uile
do dhéanamh tighe lé a mbía mainm ann
achd do thogh mé Dáibhi do bheith ós
cionn mo phobail Iſrael.
17 Agus do bhí ſé a ccroidhe Dháibhi
mathar tigh do dhéanamh dainm an Ti-
ghearna Día Iſrael.
18 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Dáibhi mathair, An méid go raibh ſé
ann do chroidhe tigh do dhéanamh dom
ainmſi, is maith rinne tú á bheith ad
chroídhe.
19 Gidheadh ní dhéana tu an tigh;
achd do mhac, noch thiucfas as do leas-
rach do dhéana ſé tígh don ainmſe.
20 Agús do choimhlion an Tighearna
an focall a dubhairt ſé, agus déirghe miſi
ſuas a náit Dháibhi mathar, agus atáim
am ſhuidhe a ccatháoir ríoglia Iſrael,
mar do gheall an Tighearna, agus do
rinne mé tigh dainm Thighearna Dé
Iſrael.
21 Agus do ſhuighidh mé áit ann ſin
don Náirc, jona bhfuil cunnradh an Ti-
ghearna, noch do rinne ſé rer náithribh
a núair thug ſé amach as crích ná Hégip-
te íad.
22 Agus do ſheas Solamh as coinne
altóra an Tighearna, a lathair chomh-
chruinnigh Iſrael uile, agus do leathnuigh
ſé amach a lámha chum neimhe:
23 Agus a dubhairt ſé, a Thíghearna
Día

Día Israel, ní bhfuil éandía cosmhuil riot-sa air neamh shuás, nó ar talumh shíos, noch chomhallus cunnradh & trócaire dot sheirbhíseachaibh, noch shiubhluighios ad lathair maille ré croidhe jomlán:

24 Noch do chomhaill dot shearbhfhoghantaigh Dáibhi mathair an ní do gheall tú dhó; do labhair tú led bhéul, mar an gcéadna, agus do choimhlion tú léd láimh é; mar a tá aniugh.

25 Ar a nadhbharsin annois, a Thighearna Día Israel, comhlion dot shearbhfhoghantuigh Dáibhi mathair an ní do gheallois dó, gha rádh, ní teisdeocha duine úait ann mho radharcsa do shuighe a ccathaóir ríoghá Israel; amháin má bheirid do shliochd aire da slighe: jondus go siubholuid am lathairse mar do shiubhail tusa am lathair,

26 Agus anois a Dhía Israel, guidhim thú, daingnithear thfocal, noch do labhair tú red shearbhfhoghantuigh Dáibhi mathair.

27 Acht an ccoimhneochaidh Día go deimhin ar an ttalumh? féuch ní fhaghann flaitheas, agus flaitheas na bhflaitheas áit duit; cá mhéid nî as lugha ná so (fhéadas) an tighse do rinne misi?

28 Acht cheana féach air urnaigh do shearbhfhoghantuigh agus air a ghearân, a Thighearna mo Dhia, déisteachd ris a ngairm, agus ris an nurnuigh, noch guidhios do shearbhfhoghantuigh ad fiadhnuise a niugh.

29 Go bhfoisceoltá do shúile leath ris an tighso do ló agus doidhche, eadhon leath ris a náit noch a dubhairt tú: biaidh mainm ann sin, jondus go néistigh tú ris an nguidhe dhéanas do shearbhfhoghantuigh ann sa náitse.

30 Agus éistsi re gearán do shearbhfhoghantuigh, & do phobuil Israel, a nuair do dhéanuid guidhe ann sa naitse agus cluinse ann hionad comhnuigh féin ar neamh, & a nuair chluinfios tú, tabhair maitheamhnus dóibh.

31 Má ní duine ar bith aindligheadh a nagháidh a chomharsann, & mionna do chur air, do thabhairt air mionnughadh, agus na mionna do theachd as coinne haltórasa ann sa tighse:

32 Ann sin cluinsi a bhflaitheamhnuis, agus déana breitheamhnus dot sherbhíseachaibh, ag damnughadh an chiontuigh, do thabhairt a shlígheadh ar a cheann féin, agus do ghlanadh a nfíréin ag tabhairt dó do reir a jonracuis.

33 A núair bhuailfighear do phobal Israel síos roimhe an namhuid, do chionn gur pheacuigheadar ad aghaidhsi, agus go bhfillfid a rís chugad, agus go naidmheochuid hainm, & go nguidhfid, & go ndéanuid gearán riotsa annsa tighse.

34 Annsin cluinse a bhflaitheamhnus, agus maith peacadh do phóbail Israel agus tabhair a rís iad don dúithche, noch thug tú dá naithribh.

35 A nuair dhrúidfidhthear neamh, & nach biáidh fearthuinn ar bith ann, do chionn gur pheacuigheadar ad aghaidhsi: má níd siad guidhe ann sa náitsi, & hainmsi dadmháil, & jompógh ó na bpeacadh, a núair smaichdeochus tú iad.

36 Annsin cluinse a bhflaitheamhnus, agus maith peacadh do sherbhíseach, agus do phobail Israel, go múinidh tú dhóibh an tslighe mhaith iona siubholuid siad, agus tabhair fearthuinn annsa tír, noch thug tú dot phobal mar oighreachd.

37 Má bhíonn gorta annsa tír, má bhíonn pláigh, gáoth rúadh, ceó millteach, lócuistigh, nó ná mó bhíonn nathair nimhe; má shuidheann a námhuid na mbun, a ndúithche a ccaithreach, gidh bé ar bith pláigh, gidh bé ar bith éaslainte bhiás ann;

38 Gidh bé urnaigh nó gearán do dhéantar lé duine ar bith, nó le pobal Israel uile, noch a mbía a fhios ag gach áon díobh pláigh a chroidhe féin, agus go leathnochaidh amach a lámha chum an tighesi;

39 Ann sin cluinsi a bhflaitheamhnus ann hionad comhnuigh féin, ag maitheamh dhóibh, déana agus tabhair da gach áon do reir a shligheach, a bhfuil fios a chroidhe agadsa; óir is tusa, thusa amháin agá bhfuil fios croidhtheach chloinne na ndaóine uile.

40 Chor go mbía eagla orra romhadsa ar feadh laéthe a mbeatha, annsa dúithche noch tug tú dar naithribh.

41 Tuilleamh oile, a dtaoibh choimhitheach nach dot phobal Israel, ach thiucfas a ccéin ar ghrádh hanmasa.

42 Oír cluinfid siad jomradh hanma mhóirse, agus do láimhe laidre, agus do righthe sínte amach; a núair thiucfas sé, agus do dhéana sé urnaigh chum an tighe si.

43 Cluinsi a bhflaitheamhnus ann hionad comhnuigh féin, agus déana do reir gach éinneithe dá niárrfuidh an coimhitheach ort: chor go mbiáidh fios hanma ag dáoinibh na talmhan uile, le mbía heagla orra, mar atá air do phobal Israel, agus chor go mbiáidh a fhios aca, an tigh so do rinne misi, gurob ad ainmsi goirthear é.

44 Má théid do phobal amach do chathughadh a naghaidh a námhad, giodh bé ball a gcuirfidh tú iad, agus go nguidhfid chum an Tighearna leith ris an ccathruigh do thogh tusa, agus a leith ris an tigh do rinne misi dot ainm;

45 Ann sin cluinse a bhflaitheamhnus a nguidhe, & a ngearán, & cumhdaigh a ccúis.

46 Má níd peacadh ad aghaidh (óir ní bhfuil duine ar bith nach bpeacuidheann,) & go mbía fearg agad riú, agus go ttoirbhearuidh tú don námhuid iad, jondus go mbéaruid leó a láimh iad go tír na námhad a bhfad, nó a bhfogus.

47 Gidheadh má chuimhnighid orra féin annsa tír a mbéarthar a láimh iad, a-

gus ma nid aithrighe, agus ma chuir-
fid a ngearán chugadsa a ttír na muin-
tire rug léo a láimh íad, gha rádh. do
pheacuidheamar, agus do rinneamar
éigceart, do rinneamar go holc;
48 Agus marsin má fhillid chugad-
sa le na nuile chroidhe, agus le na nuile
anam a ttir a námhad, noch rug leò
a láimh íad, agus go nguidhfid chugadsa
a leith ré na ndúithche féin, noch
thug tú dá naithribh, ris an cathruigh do
thogh tú, agus ris an tigh do thóg misi
dot ainm:
49 Ann sin éist thusa a nguidhe,
agus a ngearán a bhflaitheamhnus ann
hionad comhnuidhe féin, agus connuimh
súas a gcúis.
50 Agus maith don phobal do phea-
cuigh ad aghaidh, agus a naindligheadh
uile leir shháruigheadar ad aghaidh, agus
tabhair trócaire dhóibh a lathair na ndá-
oine rug leó a láimh íad, chor go mbia
traúighe acasan dóibh.
51 Oír is íad do phobalsa agus
hoighreachd íad, noch thug tú amach as
an Négipt as lár na fuirnísi ía-
ruinn.
52 Chor go mbéid do shúile foscuilte
do ghearán do sherbhisigh, agus do
ghearán do phobail Israel, do thabhairt
aire dhóibh annsa nuile ní da ngoirfid
ort dhá ttaobh.
53 Oír do dhealuigh tú íad ó bheith
a measc dháoine na talmhan uile, do
bheith na noighreachd agad féin,mar do
labhair tú lé láimhMháoise do sherbhisigh
a nuáir thug tú ar naithreacha amach
as an Négipt, a Thighearna Día.
54 Agus is amhluidh bhí, a nuáir do
chriochnuigh Solamh bheith ag guidhe na
hurnuighse uile,agus a níarratuis chum an
Tighearna, déirigh sé as fiadhnuisé al-
tóra an Tighearna, ó bheith ar a ghlúi-
nibh, maille re na lámhuibh leathnuigh
súas chum neimhe,
55 Agus do sheas sé, agus do bhean-
nuigh sé comhchruinniughadh Israel uile
do ghuth fhollusghlan, gha rádh,
56 Go madh beannuigh an Tighear-
na, noch thug suáimhnios da phobal
Israel do réir gach éinneithe dar
gheall sé; ní dheachaidh áon fhocal
amháin a bhfaillighthe da ghealladh
maith uile, noch do gheall sé le láimh
Mhaóise a shearbhfhoghantuigh.
57 Go raibh an Tighearna ar Ndía linn
amhuil do bhí sé le ar naithribh: ná
fágbhadh, agus ná tréigiodh sé sinn.
58 Jondus go ccl[i]onadh sé ar gcroidh-
the chuige fein, do shiubhal jona shligh-
thibh uile agus do choimhéud a aithean-
tadh, agus a reachda, agus a bhreithe-
amhnusa, noch do aithin sé dar naithribh.
59 Agus go ráibh na bríathrasa
agumsa lé ndéarna mé athchuinge a bhfi-
adhnuise an Tighearna, a ngar don Tigh-
earna ar Ndia do ló, agus doidhche, chor
go ccothochuidh sé cúis a sherbhisigh, a-
gus cúis a phobail Israel gach uile [...]
mar bhías uireasbhuidh orra.
60 Chor go mbía a fhios ag [...]
nibh an domhuin uile, gur bé an Tigh-
earna as Día, agus nach bhfuil aithe-
rach ann.
61 Biodh bhur gcroidhe ar a nadhbh[...]
sin, iomlán leis an TTighearna ar N[...]
do shiubhal iona statúidibh, agus do
choimhéud a aitheantadh uile, amhuil [...]
ló a niugh.
62 Agus dofráil an Rígh, agus Is-
rael uile maille ris, íodhbairt a [...]
an Tighearna.
63 Agus diodhbair Solamh íodhbairt
ofrála síothchána, noch do ofráil sé do
Tighearna, dhà mhíle fhithchiod [...]
agus céud agus fithche míle cáora: mar-
do choisrig an Rígh, agus clann Israel
uile tigh an Tighearna.
64 An la sin féin do choisrig an
Rígh,meadhón na cúirte do bhí as co[...]
thighe an Tighearna: óir is ann sin do
ofráil sé íodhbartha loisge, agus ofr[...]
bídh, agus méathus na hofrála síothch[...]
na: do chionn gó raibh a naltóir [...]
do bhí a lathair an Tighearna ro[...]
do ghlacadh na nofrálach loisge, agus
na nofrálach bídh, agus méathuis na [...]
frálach síothchána.
65 Agus an tansin do rinne Solamh
féusta, agus Israel uile na fhochair,
coimhthionól mhór, ó mar théid tú a
steach go Hamat go nuige abhuinn na
Hégipte, a lathair ar TTighearna Dé
seachd lá agus seachd lá, eadhon ce-
thre lá dhéag.
66 Ar a nochdmhadh lá do chuir sé
an pobal ar siubhal, agus do bheannui-
gheadar an Rígh, & do chúadar da [...]
istinibh go súgach, agus go lúathghái[...]
a ccroidhe, ar son gach uile mhaith[...]
dá ndéarna an Tighearná ar son Dhá[...]
a shearbhfhoghantuigh, agus ar son a
phobail Israel.

CAIB. IX.

Ath-thaibhbreadh Dé do Sholáimh. 26 [...] cabhlach Sholaimh.

AGus tárla a núair do chríochnuigh So-
lamh déanamh thighe an Tighearna,
agus thighe an Rígh, agus gach éinneithe
dar mhían le Solamh do dhéanamh.
2 Gur taibhreadh an Tighearna do
Sholamh an dara huáir, mar do thaibh[...]
sé é féin dó a Ngibeon.
3 Agus a dubhairt an Tighearna ri[...]
Do chuala mé do ghuidhe agus h[...]
tus, noch do rinne tú am fhiadhnuise:
bheannuigh mé an tighso, noch do ri[...]
tú do chur manma ann go bráth, ag[...]
béid mo shúile agus mo chroidhe ann [...]
síorruidhe.
4 Agus má shiubhluighionn tusa a[...]
lathair, mar do shiubhuil hathair D[...]
a niomláine chroidhe, agus a bhfi[...]
tachd, do dhéanamh gach uile neithe d[...]

[illegible] miſi dhíot, agus go ccoimhéadſa
[illegible] mo ſtatúidigh, agus mo bhreitheamh-
[illegible]
5 Ann ſin daingneochuidh mé catha-
[illegible] do ríoghachta ar Iſrael go bráth, mar
[illegible] gheall mé dot athair Dáibhi, gha
[illegible] ni theiſteochuigh duine uáit ar
[illegible] chathaoir ríoghachda Iſrael.
6 Acht má fhilltighesi ar éan chor
[illegible] miſi leanmhuin, ſibh féin nó bhur
[illegible] agus nach choimhéudfuidhe maith-
[illegible] agus mo ſtatúidigh, noch do
[illegible] mé ann bhur bhfiaghnuiſe, achd
[illegible] chd, & dée oile dadhradh, agus
[illegible] do dhéanamh dhóibh :
7 Annſin géartſa miſi Iſrael a-
[illegible] as a ndúithche, noch thug me
[illegible]; agus an tigh ſo do náomhuigh
[illegible] dom ainm, teilgfe mé as mo radharc
[illegible] biaidh Iſrael na ſheanfhocal, agus
[illegible] fhocal magaidh a meaſg a nuile
[illegible]
[illegible] Agus an tighſo atá comhard ſin,
[illegible] úamhan ar gach éanduine dá ngéa-
[illegible] láimh ris; agus béid ag ſioſ-
[illegible], agus a déarúid, Cred fá ndéar-
[illegible] Tighearna ſo ris a ndúithche ſi
[illegible] ris án ttighſo?
[illegible] Agus freagoruid ſiádſan, do chionn
[illegible] threigeadar a TTighearna Dia,
[illegible] thug amach a naithre as crích na
[illegible], agus gur ghreamuigheadar do
[illegible] oile, agus gur adhradar íad,
[illegible] go ndearnadar ſerbhís dóibh :
[illegible] thug an Tighearna an tolcſa
[illegible]
10 Agus tárla a gcionn fhith-
[illegible] bliadhan, tair éis Solámh an dá
[illegible] do dhéanamh, tigh an Tighearna,
[illegible] tigh an Righ.
11 (Anois do rad Híram Righ Tior do
[illegible] croinn chédair, & croinn ghi-
[illegible], & ór do réir a mheanman uile)
[illegible] Solamh annſin do Híram fithche
[illegible] a gcrích na Galile.
12 Agus thainic Hiram as Tíor dféu-
[illegible] na gcaithreach thug Solamh dhó,
[illegible] thaitnigheadar ris.
13 Agus a dubhairt ſé, Cred íad na
[illegible] chaſa thug tú dhamhſa, a dhear-
[illegible]? agus thug ſe fearann Cabul
[illegible] gus a niugh.
14 Agus do chuir Híram chum an
[illegible] ſé fithchid tallann óir.
15 Agus iſé ſo fath an gheártha
[illegible] thóg an Rígh Solamh do dhéanamh
[illegible] an Tighearna, agus a thighe
[illegible], agus Millo, agus balla Jeruſalem,
[illegible] Haſor, agus Megiddo, agus Ge-
[illegible]
16 Oir do chúaidh Pháraо Rígh na
[illegible] ſúas, agus do ghabh ſe Geſer a-
[illegible] do loiſg i le teine, agus do mharbh
[illegible] na Canánitigh do aitreibh ann ſa cca-
[illegible], & thug ſé mar thiodhlacadh dá
[illegible], do mhnáoi Sholuimh í.
17 Agus do chur Solamh Geſer, agus
[illegible] iochdarach ſúas.

18 Agus Balah, agus Tadmor annſa
bhfáſach annſa dúithche ſin.
19 Agus caithreacha an ſtóruis uíle,
noch do bhí ag Solamh, agus caithreacha
dhá charbaduibh, agus caithreacha dha
mharcſhlúagh, agus gach ní ba mían le
Solamh do chur ſúas ann Jeruſalem, a-
gus a Lebanon, agus a bhfearann a thigh-
earnais uile.
20 Agus an mhuintir uile do ſag-
bhadh beó do na Hamoritibh, do na
Hítitibh, do na Periſitibh, do na Hibhitibh,
agus dona Jebuſitibh, nach raibh do
chloinn Iſrael.
21 A cclann do fhagbhadar na ndiáigh
ſan tír nach ar fhéadadar clann Iſrael do
ſcrios uile, orra ſin do thog So-
lamh duibhchíos ſerbhíſe daóire gus a
niugh.
22 Acht do chloinn Iſrael ni dhéar-
nuidh Solamh daóine dáora, achd do
bhádar na bhfearuibh cogaidh, agus na
ſerbhíſeachaibh, agus na bprionnſadhaibh,
agus na ccaiptínibh, agus na núachdara-
nuibh, agus na marcſhlúagh aige.
23 Dob íad ſo na príomh-oifigidh do
bhí ós cionn oibre Sholuimh, cúig chéud
agus cáogad, agá raibh ríaghail ós
cionn na ndáoine do oibrigh ſan
nobair.
24 Achd táinic inghean Phárao
ſúas as cathruigh Dháibhi dhá tigh
féin, noch do thóg Solamh dhi: ann-
ſin do thóg ſé Millo.
25 Agus trí huáire ſan mblíadhuin do
íodhbuir Solamh ofrála loiſge, agus
ofrála ſíothchána ar a naltóir do
rinne ſé don Tighearna, agus do loiſg ſé
túis ar a naltóir bo bhí a bhfíadhnuiſe
an Tighearna: mar ſin do chríochnuigh
ſé an tigh.
26 Agus do rinne an Rígh Solamh
cobhlach long ann Eſion-Geber, noch
atá láimh re Elot ar thráigh na mara
ruáidhe a ccrích Edom.
27 Agus do chuir Híram a ſherbhi-
ſigh annſa loingeas, loingſeóirigh agá
raibh eólus na fairge a bhfochair ſherbhí-
ſeach Sholuimh.
28 Agus tangadar go Hóphir, agus
thugadar ór as ſin, ceithre chéud agus
fithche tallann, agus thugadar chum an
Rígh Solamh é.

CAIB. X.

Táinic Bainríoghan Sheba, do chúr ceaſtanna ar Sholaimh.

AGus a núair do chúalaidh Bainríoghan Shéba clú Sholuimh, agus
ainma an Tighearna, tháinic ſí dá dhear-
bhadh le ceaſtuibh cruaidhe:
2 Agus tháinic ſí go Hieruſalem ré
cuideachduin romhóir, maille re cámh-
alluibh díomchuir ſpioſráidh, agus iomar-
caigh óir, agus clocha uáiſle: agus a
nuáir tháinic ſí mar a raibh Solámh,
do chomhráidh ſi ris fá gach éinni dá
raibh ann a croidhe.

3 Agus

3 Agus dinnis Solamh dhi a ceastanna
uile: ní raibh éainni diamhair air an
Rígh nach ar innis sé dhi.
4 Agus a nuáir do chonnairc Bain-
ríoghan Shéba críonnachd Sholuimh
uile, agus an tigh do thóg sé.
5 Agus biádh a bhuird, agus suidhe
a sherbhíseach, agus miniostralachd a
luchd fritheoilte, agus a néudaighe, a-
gus fós a ghiolluighe cupáin, agus a
dhul súas mar a ttiagh súas go tigh
an Tighearna; ní raibh nios mó do
spioruid inte.
6 Agus a dubhairt sí ris an Rígh,
as fíor a naithris do chuala misi am
dhuithche féin ar do ghníomhuibhsi, agus
ar do chríonnachd.
7 Gidheadh níor chreid mé na brí-
thra, nó go ttáinic mé, agus go bhfa-
cuidh mo shúile iad; agus féuch níor
hinnseadh a leath dhamh: do sháruigh
do chríonnachd agus do shonus an túarus-
bháil do chúala mé.
8 Is sona atáid do dhaóine, sona
atáid so do sherbhisigh, noch sheasas a
ccomhnuighe ad láthair, agus chluinneas
do chríonnachd.
9 Go madh beannuigh do Thighearna
Día fuáir dúil ionnad, dot shuighiughadh a
ccathaóir ríogha Israel: do bhrígh
gur ghrádhuigh an Tighearna Israel go
bráth, as uime sin do rinne sé Rígh
dhiotsa do dhéanamh breitheamhnuis,
agus ceirt.
10 Agus thug sí don Rígh céud agus
fithche tallann óir, agus rombhórán
spíosradh, agus cloch úasal: ní tháinic
a ríamh na dhiáigh nios mó do shaidh-
bhrios spíosradh ná íad so thug Bainrío-
ghan Shéba don Rígh Solamh.
11 Agus cobhlach Hiram mar an
gcéadna, noch thug ór ó Ophir, thuga-
dar leó ó Ophir ro mhórán crann Al-
mug, agus cloch úasal.
12 Agus do rinne an Rígh do na
crannuibh Almug piléir do thigh an Tigh-
earna, agus do thigh an Rígh, cláirseacha
mar an gcéadna, agus adhbha chiuil don
luchd ceóil: ní tháinic a leithéid sin do
chrannuibh Almug, ní mó do chonncus
íad gus a niugh.
13 Agus thug an Rígh Solamh do Bhain-
ríoghain Shéba a míana uile, gidh bé
ar bith ní díarr sí, taóbh amuigh dhá
ttug an Rígh Solamh dhi dá thiodhlaicibh
ríoghamhla féin: marsin dfill sí, agus
do chuaidh dá tír féin, í féin agus a
muintir.
14 Anois do bé cómhthrom a nóir
tháinic chum Soluimh a néinbhliadhuin,
sé chéud trí fithchid agus sé tallanna
óir.
15 Taobh amuigh dá bhfuáir sé ó na
ceannuighibh, & ó thurusaibh ceannuighe-
adh na spíosradh, & ó Ríghthibh na Hará-
bia uile, agus ó úachdaránuibh na tíre.
16 Agus do rinne an Rígh Solamh
dhá chéud sgiath dór bhúailte: sé chéud
Secel óir do chuáidh chum gach
scéithe.
17 Agus do rinne sé trí chéud
sciath dór bhuailte; do chuaidh trí
ta óir chum gach éainnsceithe;
chuir an Rígh íad a ttigh na
Lebanon.
18 Mar an gcéadna do
Rígh cathaóir mhór ríogha do
agus dfoluigh í uile re
ghlan.
19 Do bhádar sé choiscéim ag
thaóir, agus mullach na cathaóire
taobh shíar, agus do bhádar
gach taóibh do nionad suidhe,
dhá leómhan na seasamh re
na bhfulang.
20 Agus do sheas dhá leomhan
annsin ar a ttaóibhse, agus ar an
oile ar na sé choiscéim; ní
a leithéid a néainríoghachd.
21 Agus do bhádar soithighe ól
Sholuimh uile dór, agus soithighe
fhoraóise Lebanon do
dór fhíorghlan: níor bhuirgead
soitheach dhíobh; ní raibh
líethibh Sholuimh.
22 Oír do bhí ag an Rígh
cobhlach Tharsis, maille re
Híram; éanuair annsna trí
do thigeadh cobhlach Tharsis,
bhairt óir, agus airgid, agus
lephant, agus Appadh, agus
23 Marsin do sháruigh an Rígh
lamh Ríghthe an domhain uile
bhrios, agus a neagna.
24 Agus do bhí an saoghal
íarruidh teachd go Solumh,
ré na eagna, noch do chuir Día
chroidhe.
25 Agus thugadar léo gach
a bhronntanus, soithighe airgid,
soithighe óir, agus culaidheacha
arm, agus spíosradh, eich agus
suim áirigh gacha blíadhna.
26 Agus do chruinnigh Solamh
ann a cheile carbuid, agus
agus do bhí aige míle
chéud carbad, agus dhá míle
marcach, noch do chuir sé
threachaibh chum na ccarbad,
an Rígh ann Jerusalem.
27 Thug an Rígh airgiod do
ann Jerusalem amhuil clocha:
Cedar do bheith ann amhuil crann
mor, noch atá annsa ghleann,
líonmhaireachd.
28 Agus do thigeadh chum Sol
eich as an Négipt, agus snáth
ghlacaidís ceannuighthe an Rígh
lín ar shuim áirigh.
29 Agus do chuáidh carbad
tháinic as an Négipt ar
chéad Secel airgid, & eich ar
agus cáogad: agus mar sin do
uibh na Hititeach uile, agus do
uibh na Siria, agus do bheireadh
amach íad le na láimh.

CA

CAIB. XI.

[illegible] 4 Ir [illegible] Sholaimh. 9 Maille
[illegible]

[illegible] do [illegible] an Righ Solumh
[illegible] coimhightheach) maille
[illegible] Pharao) mna do na Moabi-
[illegible] Amonitigh, [illegible], Sidonian-
[illegible]
[illegible] a ttaobh ar
[illegible] Tighearna re cloinn Israel, ní
[illegible] a ſteach chugthaſan, ní mo
[illegible] ſiadſan a ſteach chugaibhſi:
[illegible] deimhin iompochuid ſiad bhur
[illegible] do leanmhuin a ndee; do
[illegible] Solamh díobhſa a ngradh.
[illegible] do bhidar ſeachd ccéud bean
[illegible] hionſadha, agus trí chéud
[illegible] agus diompóigheadar a mhná
[illegible]dhe.
[illegible] tárla a nuair do bhí Solumh
[illegible] gur iompóigheadar a mhná a
[illegible] a ndiaigh dée oile: & ní raibh
[illegible] iomlán le na Thighearna Día
[illegible] do bhí croidhe Dhaibhi a athar.
[illegible] do chuáidh Solamh a ndiáigh
[illegible] baindia na Sidónianach, agus a
[illegible] Mhilcom adhfhuathmhuireachd
[illegible]oriteach.
[illegible] do rinne Solamh olc a ra-
[illegible] Tighearna, agus níor lean go
[illegible] an Tighearna, mar do rinne
[illegible] a athair.
[illegible] do chuir Solamh ionad árd
[illegible] Chémos gráineamhlachd Mhoab,
[illegible] cnoc atá as coinne Jeruſalem;
[illegible] Mholech gráineamhlachd chlo-
[illegible] Ammon.
[illegible] mar an gcéadna do rinne ſé
[illegible] a bhan ccoimhitheach uile, noch
[illegible] túis, agus do rinne íodhbairt da
[illegible]
[illegible] do bhí an Tighearna fear-
[illegible] Solamh do bhrigh gur iompóigh
[illegible]dhe ón TTighearna Día Iſrael,
[illegible] do taidhbhreadh dhó fa dhó,
[illegible] do thug aithne dhó a tta-
[illegible] beitheſo, nach rachadh ſé a
[illegible] dée oile: acht níor choimhéad
[illegible] ſin do aithin an Tighearna dhe.
11 Uime ſin a dubhairt an Tighear-
[illegible] Solamh, do bhrigh go ndéarna
[illegible], agus nar comhuill tú mo chunn-
[illegible], agus mo reachda do aithin mé
[illegible], ſraideochaidh miſi go deimhin an
[illegible] uait, agus do bhéara mé dot
[illegible]fhoghontuigh í.
12 Gidheadh ann do laethibhſi ní
[illegible] mé é ar ſon hathar Dáibhi: achd
[illegible] mé í as láimh do mhic.
13 Gidheadh ní ſcarſa mé an riogh-
[illegible] achd do bhéara mé éaintreabh
[illegible] dot mhacſa ar ſon Dáibhi mo
[illegible]fhoghantuigh, agus ar ſon Jeruſa-
[illegible] do thogh mé.
14 Agus do chorruigh an Tighearna
[illegible] ſuas a naghaidh Sholuimh, Ha-
[illegible] Tedomíteach: do budh do ſhiol
[illegible] ann Edom é.

15 Oir tárla a nuair do bhí Dáibhi
ann Edom, agus ar ndul ſúas do Jóab
caiptin an tſloigh, dadhlachadh na marbh,
tar éis gach éain fhirionnach do mhar-
bhadh dhó ann Edom:
16 (Oir dfan Jóab ſé mhí annſin, agus
Iſrael uile, no gur ghéarr ſé amach a
raibh dfearaibh ann Edom.)
17 Gur theith Hádad, é féin agus Edó-
mitigh áirigh do ſhearbhfhoghantuibh a
athar maille ris, do dhul don Négipt: ar
mbeith do Hádad fós na leanamh óg.
18 Agus déirgheadar amach as Midian,
agus tangadar go Páran, agus rugadar
daoine léo as Páran, agus tangadar don
Négipt, go Pharao Righ na Hégipte,
noch thug tigh dhó, agus dórduigh bi-
adh dhó, agus thug fearann dó.
19 Agus fuair Hádad fabhar mór a
radharc Pharao, ionnus go ttug dhó
na mhnaoi deirbhſhiur a mhná féin,
deirbhſhiur Thaphenes na bainrioghan.
20 Agus rug deirbhſhiur Thaphenes
a mhac Genubat dhó, noch do oil Ta-
phenes a ttigh Pharao; agus do bhí
Genubat a tteaghlach Phárao a meaſc
mhac Phárao.
21 Agus a nuáir do chúaluidh Hádad
ſan Négipt gur chodluil Dáibhi a bhfo-
chair a aithreadh, agus gur marbhadh
Jóab caiptín an tſlóigh, a dubhairt Há-
dad re Phárao, léig dhamh imtheachd
go ndeachuidh mé dom thír féin.
22 Ann ſin a dubhairt Pharao ris,
acht cred is easbhuidh dhuit am fho-
chairſi, féuch, as a niarran tu dul dot
thír féin? agus do fhreagair ſeiſion, ní
headh, achd ar a ſhonſin léig dhamh
imtheachd ar gach éanchor.
23 Agus do chorruigh Día námhuid
oile ſuas na aghaidh, Reſon mhac Elia-
da, noch do theith ó na thighearna Há-
dadeſer Righ Sóbain.
24 Agus do chruinnigh ſé daóine chuige
agus do rinneadh caiptín ós cionn cuid-
éachda dhe, a nuair do mharbh Dáibhi
daóine Shobah: agus do chúadar go
Damaſcus, agus do áitigheadar ann ſin,
& do bhí ſé na Rígh a nDamaſcus.
25 Agus do bhí ſé na námhuid ag Iſ-
rael ar feadh ſhaoghail Sholuimh, taobh
amuigh don olc (do rinne) Hádad: agus
do fhuathaigh ſé Iſrael, agus do bhí na
Rígh ós cionn na Siria.
26 Agus Jeroboam mhac Nébat, E-
phratíteach as Sereda, fearbhfhoghan-
tuigh Sholuimh (noch ar bhe ainm a
mhathar Seruah baintreabhach) do thóg
ſeiſion fós a lámh ſúas a naghaidh an
Rígh.
27 Agus do bé ſo an tadhbhar as
ar thóg ſé ſuas a lámh a naghaidh
an Rígh: do thóg Solumh Millo, agus
do leaſuigh ſe bearrnadha chaithreach
Dháibhi a athar.
28 Agus do bhí an duine ſin Jero-
boam na dhuine árrachda a ngaiſgidhe:
agus mar do chonnairc Solamh go raibh

an tógánach tionnſcantach, do rinne ſé
úachdaran de ós cionn chúruim thighe
Jóſeph uile.
29 Agus tárla a núair ſin an tan do
chuaidh Jeroboam amach as Jeruſalem,
go bhfuáir an fháidh Ahijah an Silóniteach
é annſa tſlighe: agus do ghabh uime
éadach núadh, agus do bhádar aráon
leó féin ſan mhachaire.
30 Agus rug Ahijah ar a néadach
núadh do bhí uimeſion, agus do réub
ſé a ndá chuid déug é.
31 Agus a dubhairt ſé ré Jeroboam,
glacſa deich ccuid; óir is marſó á deir
an Tighearna Día Iſrael, féuch, ſtiallſa
miſi an rioghachd as láimh Sholuimh,
& do bhéara mé deich ttreabha dhuitſi:
32 (Acht do gheabha ſeiſion éantreabh
amhain ar ſon mo ſhearbhfhoghantuigh
Dáibhi, agus ar ſon Jeruſalem, an cha-
thair noch do thogh mé amach as trea-
bhuibh Iſrael uile.)
33 Do chionn gur thréigiodar mé
agus gur ádhradar Aſtarot, baindía na
Sidónianach, Chémos diá na Moabíteach,
agus Milcom día chloinne Ammon, agus
nar ſhiubhluigheadar ann mo ſhlighthibhſi
do dhéanamh an neithe is ceart ann mo
radharc, agus mo reachda do choimhéud,
agus mo bhretheamhnuis, mar do rinne
Dáibhi a athair.
34 Ar a ſhonſin, ní bheanſa mé an
rioghachd uile as a láimh, achd do dhéa-
na mé prionnſá dhe ar feadh uile laéthe
a bheatha, ar ſon Dáibhi mo ſhearbhfho-
ghantuigh, noch do thogh mé, do bhrígh
gur choimheud ſé maitheanta agus mo
reachda.
35 Acht beanſa mé an rioghachd as
láimh a mhic, agus do bhéara mé dhuit-
ſi í, eadhon deich ttreabha.
36 Agus do bhéara mé aointreabh a-
mháin da mhacſan, chor go mbía ag
Dáibhí mo ſhearbhfhoghantuigh ſolus ro-
mham a ccomhnuighe ann Jeruſalem, an
chathair do thogh mé dhamh féin do
chur manma innte.
37 Agus glacſa mé thuſa, agus biáidh
tú ad Rígh do réir a nuile neithe is toil
led hanum, agus biáidh tú ad Rígh ós
cionn Iſrael:
38 Agus is amhluidh bhías, má éiſteann
tú ré gach uile ni dá naitheonuidh miſi
dhíot, agus go ſiubholuidh tú ann mo
ſhlighthibh, agus go ndeanair an ní bhías
ceart ann mo radharc, do choimhéad mo
reachda agus maitheanta, mar do rinne
Dáibhi mo ſhearbhfhoghantuigh, go mbiáidh
miſi leatſa, & go ndéana mé tigh daingion
duit, mar do rinne mé do Dháibhi, agus
do bhéara mé Iſrael dhuit.
39 Agus cráidhfigh mé uime ſo ſli-
ochd Dháibhi, achd ní go bráth.
40 Do bhí Solumh ar a nadhbhar ſin
ag iarruidh Jeroboam do mharbhadh: &
déirigh Jeroboam, & do theith ſé don Né-
gipt go Sirac Rígh na Hégipte, & do bhí
ſé ſan Négipt go bás Sholuimh.
41 Agus an chuid oile do ghnío...
Sholaimh, agus a nuile ní da dé...
& a chríonnachd, nach bhfuil ſiad...
obhtha a leabhar ghníomhradh Shol...
42 Agus an fad do bhí Solumh...
an Jeruſalem ós cionn Iſrael uile...
budh dhá fhithchiod bhliadhan.
43 Agus do choduil Solumh a...
chair a aithreadh, agus do hadhl...
é a ccathair Dháibhi a athar: agus...
Rehoboam a mhac na Rígh ann a...

CAIB. XII.

Roinneadh na Rígheachda idir Rehob... & Jeroboam.

AGus do chuaidh Rehoboam go Se-
chem; oir thangadar Iſrael...
Sechem do dheánamh Rígh dhe.
2 Agus tárla a núair do chuala...
boam mhac Nébat ſin, noch do...
fós ann ſa Négipt (óir do theith...
radharc an Rígh Soluímh, agus do...
mhnuidh Jeroboam ann ſa Négipt:)
3 Gur chuireadar fios, agus gur...
readar aír: agus tháinic Jeroboam...
comhchruinniughadh Iſrael uile, agus...
labhradar re Rehoboam, gha rádh,
4 Do rinne hathair ar ccuing...
anois air a nadhbharſin déanaſa...
dhócamlach hathar, agus a chuing...
noch do chuir ſé orruinne, nios éatt...
agus do dheánam ſerbhís duit.
5 Agus a dubhairt ſeiſion riú...
thigh fós go ceann thrí lá, annſin...
gidh a rís chugam. Agus do imth...
eadar an pobal.
6 Agus do rinne an Rígh Reho...
comhairle ris na ſeandáoinibh do ſheas...
lathair Sholuimh a athar an fad do...
fós na bheathaigh, agus a dubhairt...
í bhur ccomhairle le ttiubhra mé...
gra ar an muintirſe?
7 Agus do labhradarſan, dhí...
má bhionn tú ad ſhearbhfhoghantuigh...
an muintirſe a niugh, agus ſerbhís...
dhéanamh dhóibh, agus a bhfreagra...
gus focail mhaithe do labhairt riú...
ſin beidſion na ſearbhfhoghantuibh a...
ſa go bráth:
8 Achd do threíg ſé comhairle...
ſeandáoine, noch thugadar dhó, agus...
rinne comhairle ris na daóinibh óga...
na ſhochair féin, do ſheas na lathair...
9 Agus a dubhairt ſé riú, Cre...
chomhairle do bheirthiſe le ttiubhra...
ois freagra ar an bpobalſa, noch do...
bhair riom, gha rádh, Déana an c...
do chuir hathair oruinne nios éatt...
10 Agus do labhradar na dáoine...
tháinic ſúas na ſhochair, ga rádh,...
labheórus tú ris an bpobalſa do l...
riot, gha rádh, do rinne hathair...
ccuing trom, achd déanaſa nios éa...
me dhúinn: is marſo a déara tú ri...
Budh reimhe mo mheur beagſa ná...
ſad mathar.
11 Agus annois an tionad ar...

mhuigh mathair sibh le cuing thruim,
rachfe mise a gcionn bhur gcuinge: do
smachdaigh mathair sibh le sciúrsadh-
uibh, acht smaichdeochuidh misi sibh le
sciúrsadhuibh cailgeamhla.
12 Marsin tháinic Jeroboam, agus an
pobal uile go Rehoboam an treas lá, mar
do órduigh an Righ, dhá rádh, tigidh
chugam a rís a gcionn thrí lá.
13 Agus do fhreagair an Righ an po-
bal go borb, & do threig sé comhairle
na sean ndaoine, noch thugadar dhó.
14 Agus do labhair riú do reír chomh-
airle na ndaóine óga, dha rádh, dó
rinne mathair bhur ccuing trom, agus
cuirfidh misi a ccionn bhur ccuinge; do
smachdaigh mathair sibh mar an gcéad-
na le sciúrsadhuibh, ácht smaichdeochuidh
mé sibh le sciúrsadhuibh cailgeamhla.
15 Uime sin níor éist an Righ ris an
bpobal; oir is ón TTighearna do bhí
an chúis, chor go ccoimhlionfadh sé a
fhocal, noch do labhair an Tighearna
tré Abhijah an Siloniteach, do Jeroboam
mhac Nebat.
16 Marsin a nuáir do chonncadar Is-
rael uile nach ar éist an Rígh, riú, do
fhreagair an pobal an Rígh, dhá rádh,
cred an chuid ronna atá aguinne do Dhá-
ibhi? ní mó ata oighreachd aguinn a
mac Jesse: [éirgidhe] dá bhur lóistinibh,
a Israel; anois féuch dot thigh féin, a
Dháibhi. Marsin do imthigheadar Israel
dá lóistinibh.
17 Acht ar son chloinne Israel, noch
do rinne áitreabh a ccaithreachaibh
Judah, do bhí Rehoboam ná Rígh ós a
ccionn.
18 Ann sin do chuir an Rígh Reho-
boam Adoram, noch do bhí ós cionn an
chíosa, agus do chlochadar Israel uile é
le clochaibh go bhfuair sé bás; uime-
sin do rinne an Rígh Rehoboam dei-
fir do dhul suas ann a charbad do
theitheamh go Hierusalem.
19 Mar sin do chuáidh Israel a na-
ghaidh thighe Dháibhi gus a niugh.
20 Agus tárla a nuáir do chúalada
Israel uile Jeroboam do theachd a rís,
gur chuireadar fios, agus gur ghoir-
eadar air chum an chomhchruinnigh,
agus go ndéarnadar Rígh dhe ós cionn
Israel uile: ní raibh éanduine ag lean-
mhuin tigh Dhaibhi, achd treabh
Judah amháin.
21 Agus a nuáir tháinic Rehoboam
go Hierusalem, do chruinnigh sé tigh
Judah uile maille re treibh Bhéniamin
céad agus ceithre fithchid míle fear
toghtha, noch do bhí na luchd cogaidh,
do throid a naghaidh thighe Israel,
do thabhairt na rioghachda a rís do
Rehoboam mhac Soluimh.
22 Acht tháinic bríathar Dé go Se-
maiah óglach Dé, gha rádh,
23 Labhair ré Rehoboam mhac Sol-
uimh Rígh Júdah, agus ré tigh Júdah &
Bheniámin uile, agus re fuighioll an
phobail, dha rádh,
24 As márso a deir an Tighearna, ní
rachtáoi súas, agus ni throidfidhe a na-
ghaidh bhur ndearbhráithreach clann Is-
rael: filleadh gach éanduine aguibh dhá
thigh féin: óir is uáimse atá an ní si.
Déisteadar san ar a nadhbharsin ré
focal an Tighearna, agus dfilleadar
dimtheachd do réir fhocail an Tigh-
earna.
25 Ann sin do chuir Jeroboam Se-
chem súas ar shliabh Ephraim, agus do
rinne sé comhnúidhe ann, & dimthigh a-
mach as sin, & do chuir sé Penuel súas.
26 Agus a dubhairt Jeroboam iona
chroidhe, A nois fillfidh an rioghachd
chum tighe Dháibhi.
27 Má theid na daóinesi súas do dhéa-
namh íodhbartha a ttigh an Tighearna
ann Jerusalem, annsin iompóchuidh cro-
idhe na ndaoine a rís air a ttighearna,
eadhon ar Rehoboam Rígh Júdah, agus
muirfid misi, agus rachuid a rís chum
Rehoboam Rígh Júdah.
28 Do rinne an Rígh comhairle air
sin, agus do rinne sé dhá láogh óir, agus
a dubhairt sé riú, as ro mhór dhaóibhse
dul súas go Hierusalem, féachuidh bhur
ndée, a Israel, noch thug amach sibh
as crích na Hégipte.
29 Agus do chuir sé áon díobh a
Mbétel, agus do chuir sé an (laogh) oile
an Dan.
30 Agus tháinic an ní se na pheacadh,
óir do chuáidh an pobal [do dhéanamh
umhla] dhá lathair so, air fad go Dan.
31 Agus do rinne sé tigh dáitibh árda,
agus do rinne sagairt don chuid dob ísle
don phobal, nach raibh do chloinn Lébhi.
32 Agus dórduigh Jeroboam féusta
annsa nochdmhadh mí, ar an ccúi-
geadh lá déug don mhí, samhuil an nféas-
ta bhíos ann Júdah, agus dofráil sé ar a
naltóir (marsin do rinne sé a Mbétel)
ag déanamh íodhbartha do na láoghuibh
do rinne sé: agus do shuighidh sé a
Mbétel sagairt na náiteach ard do
rinne sé.
33 Mársin dofráil sé ar a naltóir do
rinne sé a Mbétel an cúigeadh lá déug
don nochdmhadh mí, eadhon annsa mí
do chum sé ó na chroidhe féin: agus
dórduigh sé féasta do chloinn Israel, &
do íodhbair sé ar a naltóir, agus do
loisg sé túis uirre.

CAIB. XIII.

Do thiormuigh lamh Jeroboam, noch do shín se anadhaidh an Fhaigh 23 Do mharbh an Leómhan an Faigh easumhal.

AGus féuch, thainic duine le Día a-
mach as Júdah do réir theagaisg an
Tighearna go Bétel, agus Jeroboam na
sheasamh ag a naltóir do losgadh
túise.
2 Agus do éigh sé a naghaidh na
haltóra a mbreithir an Tighearna, a-
gus a dubhairt, ó altoir, is marsó a

deir an Tighearna, féuch, béarthar lea-
namh do thigh Dháibhi da madh ha-
inm Joſiah, agus ofráilſidh ſé ortſa ſagairt
na naiteadh árd, noch loiſgeas túis ort-
ſa, agus loiſgfidhthear cnámha daóine
ort.
3 Agus thug ſé comhartha úadh án
lá ſin féin, dhá rádh, ſé ſo an comhar-
tha do labhair an Tighearna, féuch,
ſliallſuighthear an naltóir, agus an lu-
áithreadh atá uirre dóirtfighthear a-
mach í.
4 Agus tárla a nuáir do chúala an
Righ Jeroboam glór óglaich Dé, noch
do ghair a naghaidh na haltóra a Mbé-
tel, gur chuir ſé a lámh amach ó nal-
tóir, dha rádh, beirigh air. Agus an
lámh do chuir ſé amach na aghaidh do
thiormuigh ſi ſúas, iondus nar fhéud ſé
a tabhairt chuige ar a hais a rís.
5 Do ſcoilteadh a naltóir mar an
gcéadna, agus do dhóirt an luáithreadh
amach ó naltóir do réir an chomhartha
thug óglach Dé re breithir an Tighearna.
6 Agus do fhreagair an Righ, agus
a dubhairt ré hoglach Dé, cuir impidhe
anois ar aghaidh do Thighearna Dé, a-
gus guidh ar mo ſhonſa go naiſioctar
mo lámh dhamh a rís; agus do ghuidh
óglach Dé an Tighearna, agus do hai-
ſigeadh a lámh a rís don Righ; agus
do bhí ſi mar dó bhí riomhe.
7 Agus a dubhairt an Righ ré hóglach
an Tighearna, tárr liomſa dom thigh
agus léig do ſcíth, agus do bhéara mé
tiodhlacadh dhuit.
8 Agus a dubhairt óglach Dé ris an
Righ, má bheir tú dhamhſa leath do
thighe, ní racha mé a ſteach leachd, ní
mó íoſas mé arán nó ibhios mé uiſge ſan
náitſe.
9 Oir is marſin do cuireadh do chú-
ram orum lé breithir an Tighearna, gha
rádh, ná hith arán, agus ná hibh uiſge,
agus narab mó ghéabhus tú an tſlighe
chéadna ag filleadh dhuit.
10 Marſin dfill ſé a ſlighe oile, agus
níor ghabh ſé ſan tſlighe a ttáinic ſé ag
teachd go Bétel.
11 Anois do bhí ſeanfháigh na chomh-
nuidhe á Mbétel, & thangadar a chlann,
agus dinnſeadar dhó na gníomha uile do
rinne óglach Dé an lá ſin a Mbétel:
na briathra do labhair ſé ris an Righ do
innſeadar iad mar an gcéadna dá nathair.
12 Agus a dubhairt a nathair ríu, cia
hí an tſlighe ionar imthigh ſé? óir do
chonncadar cía ann tſlighe ionar ghabh
óglach Dé, noch thainic ó Júdah.
13 Annſin a dubhairt ſé ré na chloinn,
cuiridh diallaóid dhamh ar aſſal, agus do
ghabhadar an taſſal dó, agus do chuaidh
uirre.
14 Agus do lean ſé a ndiáigh óglaich
Dé, agus fuáir ſé na ſhuighe faoi dharuigh
é, agus a dubhairt ſé ris, an tuſa óglach
Dé noch tháinic ó Júdah? agus a dubh-
airt ſeiſion, is mé.
15 Ann ſin a dubhairt ſé ris,
liomſa don bhaile, agus ith arán.
16 Agus a dubhairt ſeiſion, ní
duim filleadh leachd, ná dul a
leachd: ní mó íoſas mé arán nó
mé uiſce leachd annſa náitſi.
17 Oír a dubhradh riom re
an Tighearna, ní íoſa tú arán,
íbhe tú uiſge annſin, agus ní fhill
ſan tſlighe chéadna, ag teachd
ghabh tú ag imtheachd.
18 A dubhairt ſeiſion ris, is fáigh
ſi mar an gcéadna mar thuſa,
labhair aingeal re breithir an
eárna riom, gha rádh, tabhair
a ais é dot thigh, go nithe ſé arán,
go nibhe ſé uiſge: achd is bréag
rinne ſé ris,
19 Mar ſin do chuáidh ſé ar a
agus duaigh ſé arán ann a thigh,
do ibh ſé uiſge.
20 Agus tárla mar do bhíodar
ſuidhe ar an gclár, go ttáinic
an Tighearna chum a nfáigh
ſion ar a ais.
21 Agus do éigh ſé ar óglach
tháinic ó Júdah, gha rádh,
a deir an Tighearna, Ar ſon
ramhuigh tú béul an Tighearna,
nar cumhdaigh tú a naithne
do Thighearna Día dhíot.
22 Acht go ttáinic tú ar hais,
nduáigh tú arán, agus gur ibh
annſa náit, a ttaobh a ndubhairt
ghearna riot, ná hith arán,
hibh uiſge; ní thiuefaidh do chorp
huáigh haithreadh.
23 Agus tárla tar éis á narán
dhó, agus a nuiſge dól, gur
diallaóid ar a naſſal dó, eadhon
nfáigh noch thug ſé leis ar a ais.
24 Agus a nuáir do imthigh ſé,
leomhan ris ar a tſlighe, agus do
ſé é: agus do teilgeadh a chorp
tſlighe, agus do ſheas an taſſal
ris, agus do ſheas an leomhan mar
gceadna láimh ris an ccorp.
25 Agus féuch do bhádar daoine
gabháil láimh ris, agus do chonn
corp teilgthe ar a tſlighe, agus
leomhan na ſheaſamh a bhfochair
chuirp: agus tangadar, agus
ſin ann ſa gcathruigh ionar chomhnuigh
an ſeanfháidh.
26 Agus an tan do chualaidh an
thug ar a ais é ón tſlighe, a
airt, Sé óglach Dé é, do bhi eaſumhal
bhreithir an Tighearna: ar a
ſin do thoirbhir an Tighearna don
mhan é, noch do réub, agus do
é do réir bhreithre an Tighearna,
do labhair ſé ris.
27 Agus do labhair ſé ré na
gha rádh ríu, cuiridh diallaóid
air a naſſal: agus do chuireadar
ar a naſſal dó.
28 Agus dimthigh ſé, agus

corp teilgthe ar a tslighe, agus an
...l agus an leomhan na seasamh ag
... corp: nior ith an leomhan an
corp, agus níor mharbh sé an tasfal.
Agus do thóg an fáigh súas corp
...ch Dé, agus do chuir ar a nasfal
... thug leis ar a ais é: agus thainic
...fhaigh don chathruigh dá chaoi-
...h, agus dá adhlacadh.
Agus do chuir sé a chorp iona uáigh
... agus do chaóidheadar ós a chionn
...dh, A thruaighe mo dhearbhrathair.
Agus tárla tar éis é da adhlacadh,
...labhair sé ré na mhacaibh, gha
... a nuáir rachus misi déug, ann sin
...caidh mé annsa tuama mar a bhfuil
... Dé adhlaicthe; cuiridh mo
...nha laimh ré na chnamhuibh.
32 Oír an glór do fhúagair sé maille
...thir an Tighearna a naghaidh na
... a Mbétel, agus a naghaidh uile
...dh na náiteadh árd, noch atá a
...eachaibh Shamária, tiucfuid a
... go deimhin.
A ndiáigh an neithesi níor fhill
...m ó na dhroichshlighe, achd do
...ibh ba hísle do rinne a rís sagairt
... háitibh árda: gidh bé ler bháill,
...reagadh seision é, chum bheith
...irt na náiteadh árd.
Agus tháinig an nise na pheacadh
... Jeroboam, eadhon dá ghear-
...ach, agus dá scrios ó dhruim na
...

CAIB. XIV.

...eigthir Achijab um scrios Jeroboam.
... Agus bhás a mbic. 21 Olcas Rhebobo-
...m.

...A namsin do ghlac tinneas Abijah
mac Jeroboam.
Agus a dubhairt Jeroboam ré na
..., éirigh, guidhim thú, agus cuir
féin a naithearrach crotha, iondús
... aitheantar gur tú bean Jeroboam,
... imthigh go Siloh: féuch, atá ann-
... Abijah an fáidh, noch do innis
...dá go mbéinn am Righ ós cionn
... phobailsi.
3 Agus beir leachd deich mbuilín, a-
... císcadha agus crúiscín meala, agus
...igh chuige: inneosuidh sé dhuit
... imeochus ar an leanamh.
4 Agus do rinne bean Jeroboam mar
..., agus déirigh, agus do chuáidh si
... Siloh, agus thainic go tigh Ahijah:
...d níor bhféidir le Ahijah éinni dfaic-
...; óir do dhruideadar a shúile tre
...éd a aóise.
5 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Ahijah, féuch tiocfuidh bean Jeroboam
... dfarruidh neithe ort a ttaoibh
..., óir atá sé tinn: marso agus mar-
... déara tú ría; óir is amhluidh bhías,
...uair thiucfas si a steach, léigfidh si
... féin gur bean oile í.
6 Agus is amhluidh bhí, a nuair do
chúala Ahijah torann a cos mar tháinic
sí a steach san dorus, go ndubhairt sé
ría, tár a steach a bhean Jeroboam, créd
fá léigion tú ort gur bean oile thú? óir
do cuireadh misi chugad lé [teachdaire-
achd] dhoiligh.
7 Agus imthigh, innis do Jeroboam,
is marso a deir an Tighearna Día Is-
rael, do bhrigh gur thóg misi thú as
an bpobalsa, agus go ndéarna mé
prionsa dhiot ós cionn mo phobail
Israel.
8 Agus gur stiall mé an ríoghachd ó
thigh Dháibhi, agus go ttug mé dhuitsi
í; agus fós nach raibh tú mar mo
shearbhfhoghantuigh Dáibhi, noch do
choimhéud maitheanta, agus do lean mé ré
na uile chroidhe do dhéanamh an neithe-
si amháin noch fa ceart am radharcsa.
9 Acht go ndéarna tú olc níos mó nó
éanduine dá ttáinic romhad; óir do
imthigh tú, agus do rinne tú dhuit féin
dée oile, agus íomhaighe leaghtha dom
bhrostughadhsa chum feirge, & do theilg
tú misi táobh siar dot dhruim:
10 Ar a nadhbharsin féuch do bhéara
misi olc ar thigh Jeroboam, agus gearr-
fa mé amach ó Jeroboam an té
mhúnus a naghaidh an balla, agus an
té do cuireadh sí íadhadh, agus do
fágbhadh ann Israel, agus do bhéara mé
liom fuighioll tighe Jeroboam mar bhei-
rios duine aóileach leis, nó go nimthi-
ghidh sé uile.
11 An té gheabhas bás san chathruigh
ó Jeroboam, íosuid na madruigh é;
agus an té gheabhus bás annsa ma-
chaire, íosaid éanlaith a naiéir é: óir do
labhair an Tighearna é.
12 Eirighsi ar a nadhbharsin, agus
imthigh dot thigh féin, agus a nuáir chu-
irfios tú do chos a steach san chathruigh
do gheabha an leanamh bás.
13 Agus do dhéanuid Israel uile doil-
ghios ar a shon, agus adhlaicfid
é: óir is eision amháin rachus ó Jero-
boam chum na huaighe, do chionn gur
frith annsan do thigh Jeroboam ní éigin
maith a ttaobh an Tighearna Día Israel.
14 Os a chionnsin tóigfidh an Tigh-
earna súas dhó féin Righ ós cionn Is-
rael, noch ghearrfus amach tigh Jeroboam
an lásin: achd ciodh sin? [do thóig sé]
cheana é.
15 Oir buailfidh an Tighearna Israel
mar an ngiolcach bhíos air crith san
nuisge, agus beanfuidh sé Israel as a fhréa-
mhach amach as an dúithche mhaithse,
noch thug sé dá naithribh, & scaóilfi sé ó
chéile iad táobh anonn don nabhuinn, do
chionn go ndéarnadar a ngarráin, do bhro-
stughadh an Tighearna chum feirge.
16 Agus do bhéara sé Israel uadh ar
son pheacadh Jeroboam, noch do rinne
peacadh, agus thug ar Israel peacadh
dhéanamh.
17 Agus déirigh bean Jeroboam, a-
gus dimthigh, agus tháinic sí go Tir-
sah

dah, agus an tan tháinic sí ar tháirsigh
an tighe, fuair an leanamh bás.
18 Agus do adhlaiceadar é, agus
do chaóineadar Israel uile é, do réir
fhocáil an Tighearna, noch do labhair
sé lé láimh a shearbhfhoghantuigh A-
hijah an fáigh.
19 Agus an chuid oile do ghníomhradh
Jeroboam mar do rinne sé cogadh, & mar
do ríaghluidh sé, féuch atáid síad scrío-
bhtha a leabhar croinice Ríogh Israel.
20 Agus na laéthe do bhí Jeroboam
na Rígh do bá dhá bhlíadhuin & fithche:
& do chodhuil sé a bhfochair a aithreadh,
& do bhí Nádab a mhac na Rígh na áit.
21 Agus do bhí Rehoboam mhac So-
luimh na Rígh ann Júdah: do bhí Re-
hoboam bliadhuin agus dá fichthiod da-
óis a nuair do thosuigh sé bheith na
Rígh, agus do bhí na Rígh seachd mblí-
adhna déug ann Jerusalem, an cathair
do thogh án Tighearna amach as trea-
bhuibh Israel uile, do chur a anma innte:
agus do bé ainm á mhathar Náamah,
Ammoniteach,
22 Agus do rinne Judah olc a radh-
arc an Tighearna agus do bhrostuigh-
eadar é chum eúda le na bpeacadhuibh,
noch do rinneadar ós a nuile olc dá
ndéarnadar a naithre.
23 Oir do rinneadarsan dóibh féin áite
árda, agus íomhaigheacha, agus garráin ar
gach eanchnoc árd, agus faoi gach éan-
chrann ghlas.
24 Agus do bhádar fós Sodomitigh
annsa dúithche, agus do rinneadarsan
do réir uile ghráineamhlachd gach éan-
chineadh dar chuir Dia amach roimhe
chloinn Israel.
25 Agus tárla air an ccúigeadh blí-
adhan do ríoghachd an Rígh Rehoboam,
go ttáinic Sisac Rígh na Hégipte súas a
naghaidh Jerusalem.
26 Agus rug sé leis ionnmhus thighe
an Tighearna, agus ionnmhus thighe an
Rígh, do rug sé leis cheana an tiomlán;
agus rug leis na sciatha óir uile noch
do rinne Solamh.
27 Agus do rinne an Rígh Rehoboam
sciatha práis na náit, agus do chuir sé
ar láimh chaiptine an gharda íad, noch
do choimhéud dorus thigh an Rígh.
28 Agus is amhluidh do bhiadh, a nu-
áir do thiagh an Rígh go tigh an Ti-
ghearna, go níomchraidis an garda íad,
agus go ttugaidis ar a nais go seomra an
ghárda íad.
29 Annois nach bhfuil an chuid oile
do ghníomhradh Rehoboam, agus a nuile
ní dá ndéarna sé, scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Júdah?
30 Agus do bhí cogadh eidir Rehobo-
am, & Jeroboam ar feadh a saoghuil.
31 Agus do choduil Rehoboam a bhfo-
chair a aithreadh, agus do hadhlaiceadh
a bhfochar a aithreadh é, a ccathair Dhá-
ibhi: agus do bé ainm a mhathar Náa-
mah, Ammoniteach: agus do bhí A-
bijam a mhac na Rígh na áit.

CAIB. XV.

Olcas Abijam. 9 Feabhas Asa Rí Ju
27 Do scrios Baasa Rí Israel tigh Je

ANois ann sa nochdmhadh blíadh
déug do Rígh Jeroboam mhac N
bat do ríoghaidh Abijam ós cionn
dah.
2 Trí bliadhna do bhí sé na
ann Jerusalem, agus do bé ainm a
thar Maacha inghean Abisalom.
3 Agus do shiubhail sé a bpeacadh
a athar uile, noch do rinne roimhe:
ní raibh a chroidhe iomlan le na T
ghearna Día, már chroidhe a athar D
4 Gidheadh do thug a Thighearna D
lóchrann dó ann Jerusalem ar son D
do chur a mhic súas na dhíaigh, agus
dhaingniughadh Jerusalem:
5 Do chionn go ndéarna Dáibhi
fa ceart a radharc an Tighearna,
nar fhill do leathtaóibh ó ni ar bith
aithin de ar feadh laétheadh a
acht amháin a ccúis Uriah an
6 Agus do bhí cogadh eidir
boam, agus Jeroboam ar feadh
a bheatha.
7 Annoís an chuid oíle do
Abijam, agus a nuile ní dá
nach bhfuilid síad scríobhtha a
croinice Ríogh Júdah? & do bhí
eidir Abijam, agus Jeroboam.
8 Agus do choduil Abíjam
ribh, agus do adhlaiceadar é
ruigh Dháibhi, agus do bhí Asa
na Rígh na áit.
9 Agus annsa bhfithcheamhad,
ain do Jéroboam Rígh Israel do
uidh Asa ós cionn Júdah.
10 Agus do bhí sé na Rígh an Jeru
blíadhuin agus dá fhíthchiod:
bé ainm a sheanmhathar Maachah
ghean Abiseolam.
11 Agus do rinne Asa gach
maith a radharc an Tighearna,
rinne Dáibhi a athair.
12 Agus do scrios sé ná Sodom-
tígh amach as an bhfearann,
áthruigh sé na hiodhuil uile, noch
rinneadar.
13 Agus mar an gcéadna Máacah
a sheanmhathair, do athruigh sé
ó bheith na Bainríoghain, do chionn
ndéarna sí íomhaighe a ngarrán:
scrios Asa a hiodhal agus do loisg
láimh ré habhuinn Cidron.
14 Achd níor háthruigheadh na
árda: gidheadh do bhí croidhe
iomlán leis an TTighearna an fad
mhair sé.
15 Agus thug sé a steach go tigh
Tighearna na neithe dó thiodhlaic
thair, & na neithe do thiodhluic sé
airgiod, agus ór, agus soithighe.
16 Agus do bhí cogadh eidir Asa
Baasa Rígh Israel ar feadh a saogh
17 Agus do chuáidh Baasa Rígh I
rael súas a naghaidh Júdah,

chuir sé Rámah súas; chor nach
fadh áon dul amach nó teachd a
n go Hása Rígh Júdah.
18 Annsin do ghlac Asa ar fágbhadh
giod agus dór a nionnmhuisuibh
an Tighearna, agus ionnmhus
e an Rígh, agus thug sé a láimh a
bhseach iad: agus do chuir an
Asa iad go Ben-hadad mhac Ta-
mhic Hesion Rígh na Siria, noch
na chomhnuigh an Damascus, gha
19 Atá ceangal eadrumsa agus tusa,
eidir mathair agus hathair: féuch,
chuir mé chugad tiodhlacadh óir
airgid; tárr, agus bris hoshadh re
Rígh Israel chor go néireo-
sé dhíomsa.
20 Marsin do áontuigh Ben-hadad lé
Asa, agus do chuir caiptínigh a
do bhí aige a naghaidh caith-
Israel, agus do mhill sé Iion, agus
agus Bel-bet-maachah, agus Cin-
ne, maille re tír Napthtali uile.
21 Agus tárla a nuáir do chúala
sin, gur éirigh do dhéanamh oibre
ah, agus go ndéarnaidh sé comh-
a Dtirsah.
22 Ansin do chuir an Rígh Asa
ar feadh Iúdah uile (níor coig-
éanduine,) agus rugadar clocha
Iéo, agus an tadhmad ler chuir
súas í, agus do chuir an Rígh Asa
sin Géba Bhenjamin, agus
23 An chuid oile do ghníomhradh Asa
agus gach a ndéarna sé, agus na
cha do chuir sé súas, nach
siad scríobhtha a leabhar croi-
Rìogh Júdah? gidheadh iona aois
do bhí teinnios cos air.
24 Agus do choduil Asa agá aith-
do hadhlaiceadh a bhfóchair a
dh a ccathruigh Dháibhi a athair
agus do bhí a mhac Jehosaphat na
a ionad.
25 Agus do thosuigh Nádab mhac
ar ríghe ós cionn Israel ann-
bliadhain do Asa Rígh Júdah:
do bhí na Rígh ós cionn Israel
bhliadhuin.
26 Agus do rinne sé olc a radharc an
Tighearna, agus do shiubhail sé a slighe
athar, agus iona pheacadh, lé ttug sé
ar Israel peacughadh.
27 Agus do chomhchoguir Baasa mhac
Ahijah do thigh Issachar ann a aghaidh;
do mharbh Baasa é ann Gibeton,
bheanus ris na Philistinibh: (óir
chuir Nádab, agus Israel uile campa
gach táobh do Ghibeton.)
28 Eadhon an treas bliadhain do
Asa Rígh Iúdah do mharbh Baasa é,
do bhí na Rígh iona áit.
29 Agus tárla a nuáir do bhí na
gur bhuáil se tigh Ieroboam uile,
fhág sé ag Jeroboam áon do léig-
anail amach nó gur scrios sé é,
do réir ráidh an Tighearna, noch do
labhair sé tre na shearbhfhoghantuigh
Ahijah an Siloníteach.
30 Do chionn peacadha Ieroboam,
noch do pheacaidh sé, agus le ttug sé
ar Israel peacughadh, tre na bhrostu-
ghadh ler bhrostuigh sé an Tighearna
Dia Israel chum feirge.
31 Anois an chuid oile do ghníomh-
uibh Nádab, agús a ndéarna sé uile, nach
bhfuilid siad scríobhtha a leabhar croi-
nice Ríogh Israel?
32 Agus do bhí cogadh eidir Asa
agus Báasa Rígh Israel ar feadh a
laéthe.
33 Annsa treas bliadhain do Asa
Rígh Júdah, do thosuigh Baasa mhac A-
hijah bheith na Rígh ós cionn Israel a
TTirsah, ceithre bliadhna fithchiot.
34 Agus do rinne sé olc a radharc
an Tighearna, agus do shiubhail sé a
slighe Jeroboam, agus iona pheacadh
le ttug sé ar Israel peacughadh.

C A I B. XVI.

Tairrghir ar Bhaasa. 11 *A Scrios.* 15 *Israel Roinnte.* 28 *Olcas Abab mhac Omri.*

AN sin tháinic briathar an Tighearna
go Jehu mhac Hanani a naghaidh
Bhaasa, gha radh,
2 Ar son gur thóg misi súas thú
as an luáithreadh, agus go ndéarna
mé prionsa dhiot ós cionn mo pho-
buil Israel, agus ar shiubhail tusa a
slighe Jeroboam, agus ar chuir tú dfi-
achaibh ar mo phobal Israel peacu-
ghadh, dom bhrostughadh chum feirge
re na bpeacadhuibh:
3 Féuch, sgriosfa misi sliochd Bhá-
asa, agus siolradh a thighe: agus do
dhéana mé do thigh cosmhuil ré tigh
Jeroboam mhic Nébat.
4 An té gheabhus bás ó Bhaasa annsa
chathruigh, iosuid na madruidh é: agus
an té leision do gheabhus bás ar an
machaire, iosuid éanlaith a naiéir é.
5 Anois an chuid oile do ghníomh-
radh Bhaasa, agus gach a ndéarna sé,
agus a chumhachd, nach bhfuilid siad
scríobhtha a leabhar croinice Ríogh Is-
rael?
6 Mar sin do choduil Ba sa a bhfo-
chair a aithreadh, agus do hadhlaiceadh
a TTirsah é: agus do ríaghluidh Elah
a mhac iona áit.
7 Agus mar an gcéadna lé láimh an
fháidh Jehu mhic Hanani, thainic bri-
athar an Tighearna a naghaidh Bhaasa,
agus a naghaidh a thighe, eadhon ar
son gach uilc dá ndéarna sé a radharc
an Tighearna, dá bhrostughadh chum
feirge lé hoibrighthibh a lámh, do chi-
onn go raibh cosmhuil ré tigh Jeroboam,
agus do chionn mar do mharbh sé é.
8 Annsa seiseadh bliadhain fithchiod
do Asa Rígh Júdah do thosuigh Elah
mhac Baasa bheith na Rígh ar Israel
ann Tirsah dhá bhliadhuin.

9 Agus do chomhchoguir a sherbhí-
each féin Simri (caiptín leithe a charbad)
na aghaidh, an feadh do bhí ag ól a
a Tirsah, nó gur chuir é féin ar meilge
a ttigh Asa stiobhard a thighe a
TTirsah.
10 Agus do chuaidh Simri a steach,
agus do bhuail é, agus do mharbh é
annsa seachdmhadh bliadhain fithchiod
do Asa Rígh Júdah: agus do rioghadh
féin iona áit.
11 Agus tárla a nuáir do thosuigh
a rioghachd, comhluath agus do shuigh
sé iona chathaóir riogha, gur mharbh
sé tigh Bhaasa uile; níor fágbhadh
duine aige do mhúnfadh a naghaidh
an bhalla, dá ghaol nó dá cháirdibh.
12 Marso do scrios Simri tigh Bhaasha
uile, do réir bhreithre an Tighearna
do labhair sé a naghaidh Bhaasa re
Jehu an faidh.
13 Arson pheacadh Bhaasa uile agus
pheacadh Elah a mhic lér pheacuidhe-
adar, agus lé ttugadar air Israel pea-
cughadh, ag brostughadh an Tighearna
Dia Israel chum feirge lé na ndíomhái-
neasaibh.
14 Annois an chuid oile do ghnío-
mhuibh Elah, agus a ndéarna sé uile,
nach bhfuilid siad scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Israel?
15 Annsa seachdmhadh bliadhain fith-
chiod do Asa Rígh Júdah do bhí Simri
na Rígh seachd lá ann Tirsa: & do bhá-
dar an pobal na suighe a naghaidh Ghib-
beton, noch do bhain leis na Philistinibh.
16 Agus an muintir do bhí san
champa, do chualadar dhá radh, dfeall
Simri, agus fós do mharbh sé an Rígh:
ar a nadhbharsin do rinne Israel uile
Rígh do Omri caiptín an tslóigh ós cionn
Israel an lá sin annsa champa.
17 Agus do chuaidh Omri súas ó Ghib-
beton, agus Israel uile maille ris, agus
do shuigheadar a naghaidh Thirsah.
18 Agus tárla a nuair do chonnairc
Simri gur gabhadh an chathair, go
ndeachaidh sé go pálás thighe an Rígh,
agus do chuir sé tigh an Rígh tre theine
ós a chionn, agus déug sé;
19 Ar son a pheacuidh do pheacuidh
sé a ndeanamh uile a radharc an Tigh-
earna ag siubhal a slighe Ieroboam, a-
gus iona pheacadh do rinne sé da tha-
bhairt ar Israel peacadh dhéanamh.
20 Annois an chuid oile do ghníomh-
radh Shimri, agus a nfeall do rinne sé,
nach bhfuilid siad scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Israel?
21 Ann sin do bhádar pobal Israel
roinnte a ndá ccuid, do lean leath an
phobuil Tibni mhac Ginat do dhéa-
namh Rígh dhe; agus do lean an leath
oile Omri.
22 Acht an chuid do lean Omrí do
bhuáidheadar ar an ccuid oile do lean
Tibni mhac Ginát: mar sin fúair Tibni
bás, agus do bhí Omri na Rígh.
23 Ann sa náonmhadh bliadhuin déag
ar fhithchid do Asa Rígh Júdah do
suigh Omri a rioghachd ós cionn Is...
dhá bhliadhuin déug; do bhí sé
Rígh a TTirsah sé bliadhna.
24 Agus do cheannuigh sé an cnoc
maria ó Shémer ar dhá thalluinn air...
agus do rinne foirgneamh ar an gcn...
agus do ghoir sé ainm na caithreach
rinne sé do réir anma Shemer lé...
an cnoc, Samária.
25 Acht do rinne Omri olc a radh...
an Tighearna, agus do rinne níos m...
sa ná a raibh roimhe uile.
26 Oir do shiubhail sé a slighe Iero-
boam mhic Nébat uile, agus iona p...
cadh lé ar chuir sé dfiachaibh ar Is...
peacughadh, do bhrostughadh an Tigh-
earna Dia Israel chum feirge lé na
dhiomhaoineasaibh.
27 Annois an chuid oile do ghníomh-
radh Omri, noch do rinne sé, agus a c...
mhachd do thaisbein sé, nach bhfuil...
siád scríobhtha a leabhar croinice Ríogh
Israel?
28 Mar sin do choduil Omri a bh...
chair a aithreadh, agus do hadhlaiceadh
é a Samária: agus do bhí Ahab a
mhac na Rígh ann a áit.
29 Agus annsa nochtmhadh bliadhain
déug ar fithchid do Asa Rígh Iúdah do
thosuigh Ahab mhac Omri a bh...
Rígh ós cionn Israel; & do bhí Ahab
mhac Omri na Rígh ós cionn Israel a Sa-
mária, dhá bhliadhuin agus fiche.
30 Agus do rinne Ahab mhac Omri
olc a radharc an Tighearna ós cionn
nuile Rígh do bhí roimhe.
31 Agus tárla, amhuil agus budh...
éattrom dósan siubhal a bpeacadh...
Jeroboam mhic Nébat; go ttug sé
Iesebel inghean Etbaal Rígh na Sidon...
nach na mnaoi, agus do imthigh, agus
do rinne serbhís do Bhaal, agus do...
dhuir sé dhó.
32 Agus do thóg sé súas altóir do
Bhaal a ttigh Bhaal, noch do rinne sé
a Samária.
33 Agus do rinne Ahab garrdha,
agus do rinne Ahab níos mó do bhros-
tughadh an Tighearna Dia Israel chum
feirge, náid Righthe Israel uile do ch...
áidh roimhe.
34 Is iona laéthibh do chuir Hiel an
Bet-eliteach Iericho súas: do chuir sé
sios a bunáit a [mbás] a chéidghein
Abiram, agus do chuir na geata...
súas a [mbás] Shegub a mhac dob óg...
do réir bhréithre an Tighearna do la-
bhair sé tre Iosua mhac Nun.

CAIB. XVII.

Do dhruid Elijab na speúra suas trí bl-
adhna. 8 Do íoc Dia pailteas a mná
longadh Bidh.

AGus a dubhairt Elias an Tisbiteach,
noch do bhí dáitreabhaidh Gi-
lead, ré Hahab, mar mhairios an Tigh-
earna Día Israel a lathair a seasaim...

bhiáidh drúchd nó fearthuinn annſna
bliadhnaibhſi, achd do reir mfocuilſi.
2 Agus tháinic briathar an Tighearna
chuige, gha rádh,
3 Imthigh romhad as ſo, agus éi-
righ don leath ſoir, agus foluigh thú
ag an nabhuinn Cherit, atá as
coinne Jordan.
4 Agus Iſeadh bhías, go niobha tú
as an nabhuinn : agus do aithin miſi do
na fiachaibh do bheathughadh annſin.
5 Már ſin dimthigh ſé, agus do
rinne do réir bhréithre an Tighearna :
óir dimthigh ſé, agus do rinne comhnuigh
ag an nabhuinn Cherit atá as coinne
Jordan.
6 Agus tugadar na ſiaich arán agus
feoil chuige ar maidin, agus arán agus
feoil tráthnóna, agus do ibh ſé a dhe-
och as an nabhuinn.
7 Agus tarla tar eís tamuill gur
thiormuigh an nabhann uile, do chionn
nach raibh fearthuinn ſan tír.
8 Agus tháinic briathar an Tighearna
chuige, dha rádh,
9 Eirigh, imthigh romhad go Sare-
phat, noch is le Sidon, agus déan comh-
nuigh annſin ; féuch do aithin miſi do
bhaintreabhuigh annſin do chongmháil
ſin.
10 Marſin déirigh ſé, agus do chuáidh
go Sarephat : agus a nuáir tháinic ſé
go geata na caithreach, féuch do bhí
an bhaintreabhach annſin ag cruinniu-
ghadh maideadhа : agus do ghoir ſeiſion
uirre, agus a dubhairt ría, guidhim thú,
tabhair chugam beagán uiſge a ſoitheach
go nibhe mé deoch.
11 Agus mar do bhí ſi ag dul ar a
thabhairt, do ghoir ſé uirre, agus a du-
bhairt, ghuidhim thú, tabhair leachd
aráin ann do láimh.
12 Agus a dubhairt ſiſi, mar mhairios
do Thighearna Día, ní bhfuil éanbhair-
gin agum achd lán baiſe do mhin a
mbairille, agus beagán ola a gcrúiſgín :
agus féuch atáim ag cruinniughadh maide
no dhó le ndeiſeochuinn ſin dhamh
féin agus dom mhac, go nithmis é, agus
go bhfughamáois bás.
13 Agus a dubhairt Elias ría , ná
biodh eagla ort, imthigh, agus déana
mar a dubhairt tú, achd déana dhamhſa
bairghin bheag dhe ſin ar ttús, agus
tabhair chugam í, agus na dhiáigh ſin
déanaigh dhuit fein agus dot mhac.
14 Oír marſo a deir an Tighearna
Día Iſrael, ní caithfighear bairille na
mine, agus ni theiſdeochuidh do chrúi-
ſgín na hola go ttí an lá ſá ccuirfidh an
Tighearna fearthuinn ar an ttalumh.
15 Agus dimthigh ſiſi, agus do rinne
ſi do reír mar a dubhairt Elias, agus a
dúiigh ſi féin agus eiſion, agus a tigh
ar feadh bliadhna go hiomlán.
16 Agus níor caitheamh bairille na
mine, agus ní mó do theaſduigh do
chrúiſgín na hola, do réir fhocail an Ti-
ghearna, noch do labhair ſé tre Elias.
17 Agus tarla tar éis na neitheanſo,
gur ghlac teinnios mac mhná an tighe,
agus do bhí a theinnios comhborb agus
ſin, nach ar fágbhadh anál ann.
18 Agus a dubhairt ſiſi ré Hélias,
cred é dhamhſa agus duitſe, a óglaich
Dé ? an ttáinic tú chugam do ghairm mo
pheacadh chum mo chuimhne, agus do
mharbhadh mo mhic ?
19 Agus a dubhairt ſeiſion ría,
tabhair dhamhſa do mhac. Agus do
ghlac ſé as a brollach é, agus rug ſe
ſúas ar lota é, mar a mbiodh ſé féin, agus
do chuir na luighe ar a leabaidh ſéin é.
20 Agus do ghoir ſé ar an TTigh-
earna, agus a dubhairt, a Thighearna
mo Dhía, an ttug tú olc fós ar an
mbaint reabhuigh a bhfochair a bhfuilim
ar cuairt, ag marbhadh a mic ?
21 Agus do ſhín ſé é féin ar an
leanamh trí huáire, agus do éigh ſé
chum an Tighearna, agus a dubhairt, a
Thighearna mo Dhía, guidhim thú,
filleadh anum an leinimh ann a rís.
22 Agus do chúalaidh an Tighearna
guth Elias, agus tháinic anum an lei-
nimh ann a rís, & do aithbhéoghuidh ſé.
23 Agus do thóg Elias an leanamh,
agus rug ſios as a tſéomra é don tigh,
agus thug dha mhathair é : agus a du-
bairt Elias, féuch atá do mhac béo.
24 Agus a dubhairt an bhean re He-
lias, anois aithnighim ar ſo gur tuſa
óglach Dé, agus gur fíor bríathar Dé
ann do bhéul.

CAIB. XVIII.

Elijah, 18 ag aithbhioradh Ahab, 21 Do dhearbh ſé cumhachd an Dé *bhi anadhaidh Bhaal.*

AGus tárla déis mhóráin do láethibh,
go ttáinic bríathar an Tighearna
go Helias an treas bliadhain, gha rádh ;
imthigh, taisbéin thu féin do Ahab,
agus cuirfe miſi féarthuinn ar an
ttalumh.
2 Agus do imthigh Elias dha thaiſ-
beanadh féin do Ahab : agús do bhí
gorta mhór a Samária :
3 Agus do ghoir Ahab Obadiah
do bhí na úachdarán ar a thigh (anois
do bhí eagla an Tigheana go mór ar
Obadiah.
4 Oir is amhluidh do bhí a nuáir
do ghéarr Jeſebel fáidhe an Tighearna
ámach, gur ghabh Obadiah céud faidh,
agus gur fholuigh íad na ccáogad a nua-
mhuigh, agus gur bheathuidh ſé íad lé
harán agus lé huiſce.)
5 Agus a dubhairt Ahab ré Oba-
diah, imthigh ſan ttír go nuige gach
áon tobar uiſge, agus go nuige gach
abhuinn : do bféidir go bhfaghmaois
féur do choinneochadh ar neich agus
ar múillidhe béo, go nach ccaillſeamois
ar náirnéis uile.

6 Mar sin do roinneadar an tír ea-
torra do dhul tríthe: do chuaidh Ahab
a slighe leis féin, agus do chuáidh Oba-
diah a slighe oile leis féin.

7 Agus mar do bhí Obadiah annsa
tslighe, féuch, tárla Elias dó: agus dai-
thin sé é, agus do thuit ar a aghaidh,
agus a dubhairt, an tusa sin mo thigh-
earna Elias?

8 Agus do fhreagair seision, is mé:
imthigh, innis dot thighearna, féuch atá
Elias annso.

9 Agus a dubhairt seision, ciodh
do pheacaidh mé, as a ttiubharthá do
sheirbhíseach a láimh Ahab, dom mhar-
bhadh?

10 Mar mhairios do Thighearna Día,
ni bhfuil críoch nó rioghachd nach ar
chuir mo thighearna íarruidh ort ann:
agus a nuáir a deirdís, ni bhfuil sé ann-
sin? do bhaineadh sé mionna don
chrích nó don rioghacht, nach bhfú-
aradar thú.

11 Agus a nois a deir tú, imthigh
innis dot thighearna, féuch atá Elias annso.

12 Agus tiucfaidh a ccrích, ar ball
a nimtheochuidh misi uáitse go mbéa-
ruidh spiorad an Tighearna thusa leis,
ní fheadar cá hionad; agus annsin a
núair thiocfas misi, agus inneosas mé
do Ahab, agus nach bhfuighe sé thu-
sa, go muirfidh sé mé, achd misi do
shearbhfhoghantuigh atá eagla an Tigh-
earna orum óm óige.

13 Nach ar hinnseadh dom thighear-
na, cred do rinne mé a nuair do mharbh
Jesebel fáighe an Tighearna, mar do
fholuigh mé céud fear dfáighibh an Ti-
ghearna na ccáogad a núamhuigh, agus
mar do bheatháigh mé íad lé harán a-
gus lé huisge?

14 Agus a nois a deir tú, imthigh,
agus innis dot thighearna, féuch atá
Elias annso: agus muirfidh sé mé.

15 Agus a dubhairt Elias, mar mhair-
ios Tighearna na slógh a lathair a
seasuim, taisbeanfad mé fein dó a niugh
go deimhin.

16 Marsin do chuáidh Obadiah a
ccoinne Ahab, agus dinnis dó; agús do
chúaidh Ahab a ccoinne Elias.

17 Agus tárla a nuáir do chonnairc
Ahab Elias, go ndubhairt Ahab ris, An
tusa an té bhuaidhrios Israel?

18 Agus do fhreagair seision, Níor
bhuaidhir misi Israel, acht tusa, agus tigh
hathar, mar do thréigeabhair aitheanta
an Tighearna, & mar do lean tú Baalim.

19 Annois ar nadhbharsin, cuir fios,
agus cruinnigh chugamsa Israel uile go
sliabh Carmel, agus fáidhe Bhaal, cei-
thre chéud agus caogad, agus fáighe na
ngarrán ceithre chéud, noch itheas ar
bhórd Jesebel.

20 Marsin do chuir Ahab fios ar
chloinn Israel uile, agus do chruinnigh
sé na fáighe a bhfochair a chéile go sliabh
Carmel.

21 Agus tháinic Elias chum an p[obal]
buil uile, agus a dubhairt sé, Cá [...]
bheithíse bacach idir dhá bharamh[ail]
má sé an Tighearna as Día, lean[uidh]
é; achd má sé Baal, leanuidh é sin. [A]
gus níor fhregair an pobal éanfhocal [...]

22 Ann sin a dubhairt Elias ris [an]
bpobal, Misi, misi fein amháin m[...]
dfáighibh an Tighearna: acht [...]
fáighe Bhaal ceithre chéud agus ca[o]
gad fear.

23 Tugaidís dhúinn ar nadhbh[arsin]
dhá bhulóig, agus toghaidísion [...]
dhóibh féin, agus déaindís cotch[...]
dhi, agus cuirdís ar chonnadh í gan te
ine ar bith fúithe, agus deasóch[...]
misi an bhulóg oile, agus cuirfidh mé a[r]
chonnadh í gan teine fúithe.

24 Agus goiridhsi ar ainm bhur [...]
féin, agus goirfidh misi ar ainm an T[i]
ghearna: agus an Día fhreagoras re t[e]
ine, bíodh sé na Dhía. Agus do fhre[a]
gair an pobal uile, agus a dubhradar
is maith do labhair tú.

25 Agus a dubhairt Elias re fáighibh
Bhaal, Toghuidhsi bulóg dhaoibh féin,
agus deasuighidh ar ttús í; óir atáoi
mórán: agus goiridh ar ainmann bhur
ndée, achd ná cuiridh teine fúithi.

26 Agus do ghlacadarsan an bhulóg
tugadh dhóibh, agus do dheasuighea-
dar í, agus do ghoireadar ar ainm
Bhaal ó mhaidin go meadhon lái, [a]
ghá rádh, ó a Bhaal, éisd linn. Achd [ní]
raibh guth, nó ní ar bith do fhreag[air]
íad: agus do lingeadar ar a naltóir
do rinneadh.

27 Agus tárla san meadhon laoi [go]
ndearna Elias magadh orra, agus [go]
ndubhairt sé, Goiridh go hárd; [óir]
is Día é; ceachtar dhíobh atá sé [ag]
caint, nó atá sé ag tóruigheachd, [nó]
atá sé iona aisdior, nó do bféidir [gur]
na chodla atá sé, agus go ccaithfid[h]
a dhúsgadh.

28 Agus do éigheadarsan go hárd,
agus do ghearradar íad féin do réir
a ngnátha le sceanuibh, agus le la[n]
sadhuibh, nó gur scinn an fhuil [a]
mach orra.

29 Agus tárla a nuair do chuáidh a[n]
meadhon laoi thársa, agus go rabhad[ar]
ag fáighedóireachd go ham ofrála íod-
bartha an tráthnóna; nach rabh
guth nó aón do fhreagoradh, nó bhé-
radh toradh orra.

30 Agus a dubhairt Elias ris an bpo-
bal uile, tígidh láimh riomsa. Agus
tangadar an pobal uile láimh ris; agus
do chuir seision suás altóir an Tigh-
earna do bhí briste.

31 Agus do thóg Elias dhá chloich
dhéug do reir uibhre threabh mhac Jacob,
chum a ttáinic bríathar an Tighearna,
gha rádh, Israel bhus ainm dhuit.

32 Agus leis na clochaibh do rinne
sé altóir a nainm an Tighearna: agus do
rinne sé treinnse gacha taobh don
naltóir

oir comhmór is chuinneochadh dhá
shiosir síl.
33 Agus do shadóigh sé an con-
nadh, agus do ghearr sé an bhulóg,
agus do chuir na cotchaibh ar an ccun-
nadh í, agus a dubhairt, Líonuidh cei-
thre bhairille le huisce, agus dóirtidh
ar an nofráil loisge, agus ar an
ccunnadh.
34 Agus a dubhairt a rís, déanuidh
sin an dara húair: agus do rinneadar
sin an dara huáir. Agus a dubhairt
seision, déanuidh an treas úair; agus
do rinneadar sin an treas uáir.
35 Agus do rioth an tuisge timchioll
na haltóra, agus do lión sé an treinse
sin le huisge.
36 Agus tárla a nam ofrála iodh-
bhartha an tráthnóna, go ttáinic Elias
an fáidh a bhfogus, agus go ndubhairt
sé, A Thighearna Día Abraham, Isaac,
agus Israel, fionntar a niugh gur tusa
is Día a Nisrael, agus gur misi do shear-
bhfoghantuigh, agus go ndéarna mé
na neithese uile ar do rádhasa.
37 Eisd riom, a Thighearna, éisd
riom, chor go naitheonuid an pobalsa
gur tú an Tighearna Día, agus gur
iompóigh tú a ccroidhthe ar a nais
arís.
38 Ann sin do thuit teine an Tigh-
earna, agus do dhóith sí an nofráil loisge,
agus an cunnadh, agus na clocha, agus
an luaithreadh, agus do ligh suas an
tuisge do bhí san treinse.
39 Agus a núair do chonncadar an
pobal uile sin, do thuiteadar ar a na-
ghaidhibh agus a dubhradar, Sé an Ti-
ghearna féin Día, sé an Tighearna féin
Día.
40 Agus a dubhairt Elias riú, ga-
bhuidh fáighe Bhaal, ná léigidh áon díobh
as: agus do ghlacadar íad, agus rug
Elias sios íad go habhuinn Cison, agus
do mharbh sé annsin íad uile.
41 Agus a dubhairt Elias re Ahab,
éirighsi súas, ith, agus ibh; óir atá
torann iomad fearthanna ann.
42 Marsin do chuáidh Ahab súas
d'ithe, agus d'ól, agus do chuáidh Eli-
as súas go mullach Carmel, agus
do theilg sé é féin sios ar an tta-
lamh, agus do chuir a aghaidh eidir a
ghlúinibh.
43 Agus a dubhairt sé ré na óglach,
imthighe suas anois, agus féuch leath ris
an bhfairge: agus do chuaidh sé suas,
agus dféuch sé, agus a dubhairt, ní
bhfuil éinní ann: agus a dubhairt
seision, éirigh a rís seacht nuáire.
44 Agus tárla ar an seachdmhadh
uáir go ndubhairt sé, féuch atá néull
beag ag éirghe as an bhfairge, cos-
mhuil ré láimh dhuine. Agus a dubh-
airt seision, imthigh súas, abair re A-
hab, ullmhuigh do charbad, agus im-
thigh sios, chor nach ttoirmioscfuidh an
fhearthuinn thú.
45 Agus tárla ar a bhfadsin go raibh
neamh dorcha lé néulluibh, agus lé
gaoith, agus do bhí fearthuinn romhór
ann: agus do chuáidh Ahab na char-
bad, agus do chuáidh sé go Iesreel.
46 Agus do bhí lámh an Tighearna
ar Elias, agus do chriosluigh sé súas a
leasrach, agus do rioth roimhe Ahab go
dul a steach go Iesreel.

CAIB. XIX.

Elijah ag teicheadh o Jesabel, 5 Do chomhfhurtuigheadh re Aingeal De *é sa nfásach.*

AGus dinnis Ahab do Jesebel gach a
ndéarna Elias, agus fós mar do
mharbh sé na fáighe uile leis an
gcloidheamh.
2 Ann sin do chuir Iesebel teachdaire
go Helias, ag a rádh, Go ndéanuid na
dée marsin agus tuilleamh fós, muna
ndéarna misi do bheathasa mar bheatha
dhuine dhíobhsan faoi namso a márach.
3 Agus a núair do chonnairc seision
sin, déirigh sé, agus dimthigh ar son a
anma go ttáinic go Beer-séba, noch
bheanas ré Júdah, agus dfág a óglach
annsin.
4 Acht dimthigh sé féin uidhe laé
a steach annsa bhfásach, agus tháinic a-
gus do shuigh sios faói chrann Iuniper:
agus diarr sé dhó féin bás dfagháil,
agus a dubhairt, As lór anois a Thigh-
earna, beir leachd manum: óir ní
féarr misi ná maithreacha.
5 Agus mar do luigh sé faói chrann
Iuniper, agus do choduil, féuch do
chorruigh aingiol é annsin, agus a du-
bhairt ris, Eirigh, agus ith.
6 Agus damhairc seision, agus féuch,
do bhí bairghin do bruitheadh ar an
ngríosuidh, agus cruíscín uisge agá cheann,
agus a duáigh sé, agus do ibh sé, agus
do luidh sé sios arís.
7 Agus tháinic aingeal an Tighearna
a rís an dara huáir, agus do chorruigh
é, agus a dubhairt, Eirigh, agus ith,
do bhrígh go bhfuil an tslighe ro
fhada agad.
8 Agus déirigh seision, agus a du-
áigh sé, agus do ibh sé ní, agus do
chuáidh a neart an bhídh sin ceathra-
chad lá agus ceathrachad oidhche go
Hóreb sliabh Dé.
9 Agus tháinic sé annsin go húamh-
uigh, agus do rinne sé comhnuidhe ann:
agus féuch, tháinic bríathar an Tigh-
earna chuige, agus a dubhairt ris, Cred
atá tú dhéanamh annso, a Elias?
10 Agus a dubhairt seision, do bhí
mé ró éudmhur ar son an Tighearna
Día na slógh: óir do thréigeadar clann
Israel do chunnradh, do theilgeadar sios
haltóra, agus do mharbhadar fháighe
leis an ccloidhiomh: agus misi, misi
amháin ar fágbhadh dhíobh, agus atáid
ag iarruidh manma do bhuain asum.
11 Agus a dubhairt seision, imthigh
amach

amach, agus seas ar a tsliabh as
coinne an Tighearna. Agus feuch, do
ghabh an Tighearna thairis, agus do réub
gáoth mhór láidir na sléibhte, agus do
briseadh na mbloghuibh ná cairge roi-
mhe an Tighearna ; achd ní raibh an
Tighearna annsa ghaóith : agus a ndiáigh
na gaóithe crioth talmhan, achd ní
raibh an Tighearna annsa chrioth
talmhan :
12 Agus a ndiáigh an chreatha tal-
mhan teine ; achd ní raibh an Tigh-
earna san teine : agus tar éis na teineadh
guth suáimhneach cáol.
13 Agus is amhluidh bhí, a nuáir
do chualuidh Elias é, annsin dfoluigh
sé a aghaidh iona fhalluing, agus do
chuaidh amach, agus do sheas a ndul a
steach na húamha ; agus féuch tháinic
guth chuige, agus a dubhairt, cred do
ní tú annso a Elias ?
14 Agus a dubhairt seision, do bhí
mé ro eudmhar ar son an Tighearna
Día na slógh : do bhrígh gur thréigedar
clann Israel do chunradh, gur theilgea-
dar síos haltóra, agus gur mharbhadar
thfáighe leis an ccloidheamh ; agus misi,
misi amháin ar fagbhadh dhiobh, agus
atáid ag íarruidh manma do bhuáin
asum.
15 Agus a dubhairt an Tighearna
ris, éirigh, fill ann do shlighe go fás-
ach Damascus : agus ar tteachd dhuit
ung Hasael do bheith na Rígh ós cionn
na Siria :
16 Agus Jehu mhac Nimsi ungfas tú
do bheith na Rígh ar Israel, agus Elisa
mhac Saphat ó Abel-meholah ungfas
thú na fháidh ad áit féin.
17 Agus tiucfuidh a ccrich, gidh bé
rachus ó chloidheamh Hasael go muir-
fidh Jehu é : agus gidh bé rachus ó chloi-
dhiomh Jehu, go muirfidh Elisa é.
18 Achd cheana dfág misi agum féin
seachd míle ann Israel, na glúine uile
nar shléacht do Bhaal, agus gach uile
bhéul nar phóg é.
19 Marsin dfág sé sin, agus fuair
sé Elisa mhac Saphat noch do bhí
ag treabhadh, agus dá chonglán deug
damh roimhe, agus eision ag an dara
damh déug ; agus do ghabh Elias
thairis, agus do theilg a fhalluing
air.
20 Agus dfág seision na daimh,
agus do rioth a ndiáigh Elias, agus
a dubhairt sé, guidhim thú, leig dhamh
mathair agus mo mhathair do phógadh,
agus annsin leanfuidh mé thú. Agus a
dubhairt seision, imthigh ar hais a rís :
óir cred do rinne misi riot ?
21 Agus dfill seision a rís úadh,
agus do ghlac sé cúpla damh, agus
do mharbh sé íad, agus do bhruith
an nfeóil lé culaidh na ndamh, agus
thug do na daoinibh, agus a duadar :
annsin déirigh sé, agus do chúaidh a
ndiáigh Elias, agus do rinne minioст-
ralachd dhó.

CAIB. XX.

Na Sirianuigh buailte le Hahab fa d...
42 Do frith lochd mhór dhó, Benhadad a
leigmhail as.

AGus do chruinnigh Ben-hadad
Rígh na Siria a shluagh a ccó
a chéile, agus dhá Rígh agus triocha
na fhochair, agus eich, agus carbaid
agus do chúaidh súas, agus do shuigh
sé timchioll Shamária, agus do th...
na haghaidh.
2 Agus do chuir teachta go Hahab
Rígh Israel don chathruigh, agus a d...
bhairt ris, marso a deir Ben-hadad,
3 Is liomsa hairgiod, agus fós do
mhná, agus do chlann romhaith is li...
omsa íad.
4 Agus do fhreagair Rígh Israel, agus
a dubhairt, mo thighearna a Rígh, do
réir mar a deir tú as leachd misi agus
a bhfuil agum.
5 Agus tangadar na teachda a ris
gha rádh, mar so a deir Benhadad,
gha rádh, bíodh gur chuir mé fios chu-
gad, gha rádh, do bhéara tú dhamh do
hairgiod, agus hór, agus do mhná,
agus do chlann :
6 Gidheadh cuirfe mé mo mhuin-
timchioll a namasa márach, agus fos-
fuid do thigh, agus tighthe do mhuin-
tire ; agus seadh bhías de, gach uile ni
is taitneamhach led shúilibhse, cuirfi-
sion é na láimh féin, agus beuruid leo é.
7 Ann sin do ghoir Rígh Israel seana-
sir na críche uile, agus a dubhairt,
guidhim sibh, comharthuigh, agus f...
chaidh mar íarrus an fearsa urchóid
óir do chuir sé fios chugamsa ar mo
mhnáibh, agus ar mo chloinn, agus ar
mairgiod, agus ar mo chuid óir, agus
níor dhiúlt mè é.
8 Agus a dubhradar na sinnsir, agus
an pobal uile ris, ná héisd ris, agus ná
haóntuigh dhó.
9 Uimesin a dubhairt sé ris na tea-
chduíbh, innsigh dom thighearna don
Rígh, an mheid air ar chuir tú fios chum
do shearbhfhoghantuigh an céud uair, do
dhéanadsa é : acht an nise ní fhéudaim a
dhéanamh. Agus do imthigheadar na tea-
chda, agus rugadar freagra chuige
a rís.
10 Uime sin do chuir Ben-hadad
fios chuige, agus a dubhairt, go ndéan-
muid na deé sin riomsa, agus nís
mó fós, má líonann luáithreadh Sha-
mária lán duirn do gach duine da bhfuil
am fhochairse.
11 Agus do fhreagair Rígh Israel,
agus a dubhairt, innis dhó, Ná déanadh an
te chriosluighеas [a éideadh] air, mói-
dheamh as féin, do nós an té do chuireas
de é.
12 Agus tárla a núair do chúala
Ben-hadad an teachdaireachdsa (mar do
bhí sé ag ól, é féin agus na Righthe eile
ánsna

páilliúnuibh) go ndubhairt ſe ré
mhuinntir, gluaiſighidh: agus do
ghluaiſeadar a naghaidh na caithreach.
13 Agus féuch? tháinig fáigh go
Ahab Rígh Iſrael, ghá rádh, is mar-
ſo a deir an Tighearna, an bhfaca tú an
ſlóigh mhóirſi, féuch, do bhéura
ad láimh íad a niugh, agus biáidh a
fhios agad gur mé an Tighearna,
14 Agus a dubhairt Ahab, cía leis?
agus a dubhairt ſeiſion, marſo deir an
Tighearna, eadhon le hógaibh phrionn-
ſadha na ccóigeadh. Annſin a dubhairt ſé,
cía órdeochus an cath! agus do fhrea-
gair ſeiſion, thuſa.
15 Ann ſin do áirimh ſé óga phrionn-
ſadha na ccóigeadh, & do bhádar dhá
chéad agus tríochad agus a dhó: agus na
ndiaidhſin do chomháir ſé an pobal uile,
eadhon clann Iſrael uile, noch do bhí na
ſeacht míle.
16 Agus do chuádar amach ſan mea-
dhon laoi: acht do bhí Ben-hadad ag
ól, gha chur féin ar meiſge annſoa páil-
liúnuibh, é féin agus na Ríghthé,
an dá Rígh dhéug ar fhithchid do bhí
ag congnamh leis.
17 Agus do chúadar daóine óga phri-
onnſadh na ccóigeadh amach ar ttús,agus
do chuir Ben-hadad [daóine] amach,
agus dinnſiodar dhó, gha rádh, thanga-
dar daóine amach as Samária.
18 Agus a dubhairt ſeiſion, mas go
ſíothchánta thangadar amach, gabhuidh
béo íad; nó mas do chathughadh thi-
gid amach, gabhuidh béo íad.
19 Marſin thangadar ógánuigh phri-
onnſadh na ccóigeadh amach as an ccath-
raigh, agus an ſlúagh do lean íad.
20 Agus do mharbhadar gach aon aca
a dhuine, agus do theitheadar na Si-
rianuigh, agus Iſrael na ttóruigheachd;
agus do chuáidh Ben-hadad Rígh na
Síria as, ar muin eich, agus a mharc-
ſlúagh na fhochair.
21 Agus do chuáidh Rígh Iſrael amach
agus do bhuáil ſé na heich agus na car-
baid, agus do mharbh ſé na Síriauuigh
le hár mór.
22 Agus tháinic an fáigh go Rígh
Iſrael, agus a dubhairt ris, éirigh,
neartuigh thú féin, agus tabhair aire,
& féach creá dhéanas tú: óir ar
iompógh na blíadhna tiucfa Rígh na Sí-
ria ad aghaidh.
23 Agus a dubhradar muintir
Rígh na Síria ris, is dée cnoc a ndee
ſiad, uimeſin do bhádar ní budh láidre
ná ſinne: achd troideam ríu annſa
réiteach, agus go deimhin budh laídre
ſinne ná íad.
24 Agus déanaſa an níſe, cuir na
Ríghthe gach áon as a áit, agus cuir
captinigh iona nionad.
25 Agus áirimh ſlúagh dhuit mar an
ſlúaigh do chaill tú, each ar each,
agus carbad ar charbad, agus troidfiom
na naghaidh annſa réiteach agus go
deimhin bíam nios láidre ná íad. Agus
déiſt ſeiſion ré na nglór, agus do rinne
ſé marſin.
26 Agus tárla ar iompógh na blíadhna
gur áirimh Ben-hadad na Sírianuigh, agus
go ndeachaidh ſúas go Haphec do throid
a naghaidh Iſrael.
27 Agus do háirmheadh clann Iſrael,
agus do bhádar uile a lathair, agus do
ſhuigheadar clann Iſrael air a naghaidh
amhuil dhá thréud bheaga mheannan;
acht do líonadar na Sírianuigh an tír.
28 Agus tháinic óglach Dé, agus do
labhair ſé re Rígh Iſrael, agus a dubh-
airt ſé ris, is marſo a deir an Tighear-
na, do chionn go ndubhradar na Sí-
rianuigh, as Día cnoc an Tighearna,
achd ní hé Día na ngleantadh é: uime-
ſin do bhéara miſi an líon mórſa uile
ad láimhſe, agus aitheonuidh tú gur mé
an Tighearna.
29 Agus do ſhuigheadar as coinne a
chéile ſeachd lá, agus is amhluidh bhí,
ar an ſeachtmhadh lá dfearadar cath:
agus do mharbhadar clann Iſrael do
na Sírianachaibh céud míle coiſigh a
néanló.
30 Agus do theithiodar an chuid oile
go Haphec, don chathair, agus do thuit
balla ar ſheachd míle fhithchiod fear
dar fágbhadh; agus do theith Ben-ha-
dad, agus tháinic don chathruigh go
ſeomra a bhfad a ſteach.
31 Agus a dubhradar a mhuintir ris
féuch anois, do chúalamar go rabhadar
Ríghthe thighe Iſrael na Ríghthe tró-
caireacha; guidhim thú, cuirmid ſaicea-
dach a ttimchioll ar níochtair, agus rópa-
dha air ar cceannuibh, agus teaghmaoid
amach go Rígh Iſrael: do bféidir go
ſábhaladh ſé hanamſa.
32 Marſin do chuireadar ſaicéa-
dach ar a níochthar, agus rópadha ar
a cceannuibh, & thangadar go Rígh Iſ-
rael, agus a dubhradar, a deir do
ſhearbhfhoghantuigh Ben-hadad,guidhim
tú, léig dhamh marthuinn. Agus a
dubhairt ſeiſion, an bhfuil ſé fos béo?
ſé mo dhearbhrathair é.
33 Annois do airigheadar na daoine
go ſríochnamhach an ttiucfadh éainní
uadhſan, & do ghlacádar go lúath é:
& a dubhradar, Do dhearbhrathair
Ben-hadad. Annſin a dubhairt ſeiſion,
éirghidh, tugaidh libh é; annſin tháinic
Ben-hadad amach chuige, & thug ſé air
teachd ſúas annſa charbad.
34 Agus a dubhairt [Ben-hadad]
ris, na caithreacha do bhain mathairſi
dot athairſi, aiſeoguidh miſi íad, agus
do dhéana tú ſráide dhuit féin ann Da-
maſcus, mar do rinne mathairſi a Sa-
mária: annſin [a dubhairt Ahab]
cuirfeadſa ar ſiubhal thú ar an
gcunnradhſa. Mar ſin do rinne ſé
cunnradh ris, agus do léig ſé ar ſiu-
bhal é.

35 Agus

35 Agus a dubhairt duine áirigh do chloinn na bhfáigh ré na chomharsúinn a mbreithir an Tighearna, guidhim thú, buáil misi. Agus do dhiult an duine a bhúaladh.

36 Annsin a dubhairt sé ris, do bhrígh nar umhluigh tú do ghuth an Tighearna féuch ar ball a ndeileochaidh tú riomsa, muirfidh leomhan thú: Agus ar ball ar dhealuidh ris, fuáir leomhan é, agus do mharbh sé é.

37 Ann sin fuair sé duine oile, agus a dubhairt ris, guidhim thú, buáil mé, Agus do bhuáil an duine é, ionnus agá bhualadh gur loit sé é.

38 Ann sin do imthigh an fáidh, agus do chomhfhuirigh ris an Rígh ar a tslighe, agus do chuir é féin a natharrach crotha le luáithreadh ar a aghaidh.

39 Agus a nuáir do bhí an Rígh ag gabhail thairis, do éigh sé chum an rígh, agus a dubhairt, do chuaidh do shearbhfhoghantuigh amach a meadhon an chatha, agus féuch dfill duine do leathtaoibh, agus thug chugamsa duine, agus a dubhairt, Coimhéad an fearsa: má imthighionn se ar éanchor, annsin biáidh hanumsa ar son a anma, nó díolsa tú tallann airgid.

40 Agus mar bhí do shearbhfoghantuigh gnothuigheach annso, & annsúd, dimthigh seision: agus a dubhairt Rígh Israel ris, is mar sin bhías do bhreitheamhnus, do réidhigh tú féin é.

41 Agus dó dheifrigh seision, agus do bhean an luáithreadh dhá aghaidh, agus do aithin Rígh Israel gur do na fáighibh é.

42 Agus a dubhairt se ris, is marso a deir an Tighearna, do chionn gur léig tú uáit as do láimh duine do órduigh misi do léirsgrios, uimesin rachaidh hanamsa ar son a anmasan, agus do dhaoine ar son a dhaoine.

43 Agus do chuaidh Rígh Israel dhá thigh idubhach feargach, agus tháinic sé go Samária.

CAIA. XXI.

Eagcóir Abab attaobh Nábot.

AGus tárla a ndiáigh na neitheannsa, go raibh fíneamhuin ag Nábot an Tiesreeliteach, noch do bhí ann Israel, láimh ré palás Ahab Rígh Samária.

2 Agus do labhair Ahab re Nábot, gha rádh, tabhair dhamhsa thfíneamhuin, chor go mbía sí agum mar ghairdin luibhionn, do bhrígh go bhfuil sí a bhfogus dom thigh, agus do bhéara misi fíneamhuin is fearr ná í duit uirre; nó má sé is fearr do chítear dhuit, do bhéara mé a lúach airgid duit.

3 Agus a dubhairt Nábot re A[illegible] nar léigidh Día dhamhsa, go ttiubh[illegible] oighreachd mo shinnsior dhuitsi.

4 Agus tháinic Ahab dhá [illegible] go dubhach feargach, do bhrígh an [illegible] ail do labhair Nábot an Tiesreel[illegible] ris: óir a dubhairt sé, Ní thiubhra [illegible] oighreachd maithreadh dhuit: agus [illegible] luigh sé síos air a leabuidh, agus d[illegible] póigh a aghaidh ó chách, agus níor bh[illegible] leis arán dithe.

5 Achd tháinic Jesebel a bhean ch[illegible] agus a dubhairt ris, ciodh fa bhfu[illegible] spiorad comhdhubhach sin, nach [illegible] leachd aran dithe?

6 Agus a dubhairt seision ría, do ch[illegible] gur labhair mé ré Nábot an Tie[illegible] teach, & go ndubhairt mé ris, t[illegible] thfíneamhuin dhamh ar airgiod, [illegible] má sí do thoil, do bhéara mé fíne[illegible] oile dhuit uirre: & do fhreagair [illegible] ní thiubhra misi mfíneamhuin duit.

7 Agus a dubhairt Jesebel a bh[illegible] ris, nach tusa anois ríaghluigh[illegible] ghacht Israel! éirigh, agus ith ará[illegible] agus bíodh do chroidhe súgach: do bhéara misi dhuit fíneamhuin Nábot [illegible] Niesréelítigh.

8 Ann sin do scríobh sí litreacha a nainm Ahab, agus do chuir séala [illegible] le na shéula, agus do chuir sí na litreacha chum na sinnsior; agus chum na núasal do bhí iona chathruigh na ccomhnuidhe a bhfochair Nábot.

9 Agus do scríobh sí annsna litreachaibh, gha rádh, Fógruidh trosgadh, agus cuiridh Nábot na shuidhe go hárd a measg an phobail.

10 Agus cuiridh días do dhaoinibh clann Bhélial, na súidhe as a choinne do dheanamh fiadhnuise na aghaidh, dhá rádh, do scannluidh tú Día, agus an Rígh: agus annsin beiridh amach é, agus clochuidh é, go néuguidh sé.

11 Agus do rinneadar muintir a chaithreach, ná sinnsir agus na huaisle, noch do budh áitreabhuigh iona chathruigh, mar do chuir Jesebel, agus mar do bhí scríobhtha annsna litreachaibh noch do chuir sí chuca.

12 Dfúagradar trosgadh, agus do chuireadar Nábot na shuidhe go hárd a measg an phobail.

13 Agus thangadar a steach días fear, clann Bhélial, agus do shuigheadar na choinne: agus do rinneadar clann Bhélial fíadhnuise na aghaidh, eadhon a naghaidh Nábot a lathair an phobail, gha rádh, do mhasluigh Nábot Día, agus an Rígh. Annsin rugadar amach as a ccathruigh é, agus do chlochadar é le clochuibh, go bhfuair sé bás.

14 Ann sin do chuireadar teachta go Jesebel, gha rádh, do clochadh Nábot, agus déug sé.

15 Agus tárla a núair do chuala Jesebel gur clochadh Nábot, agus go raibh sé mharbh, go ndubhairt Jesebel re Ahab,

...h, éirigh, glac sealbh a bhfinea-
...n Nábot an Niesreelitigh, noch do
...ic sé do thabhairt duit ar airgiod:
...ní beó, achd marbh Nábot.
16 Agus tárla a núair do chuála
...b go raibh Nábot marbh, gur éirigh
...b do dhul sios go fineamhuin Ná-
...an Niesreelitigh do ghlacadh seilbhe
...

17 Agus tháinic bríathar an Ti-
...rna go Hélias an Tisbíteach, gha
...
18 Éirigh, imthigh sios do theagmháil
... Ahab Rígh Israel, noch atá a Sa-
...ria: féuch, atá sé a bhfineamhuin
...bot mar a ndeachaidh sé sios do ghla-
... seilbhe innte.
19 Agus laibheoruidh tú ris, gha
..., is marso a deir an Tighearna, nar
...bh tú, agus fós nar ghabh tú
...bh? agus laibheoruidh tú ris, gha
..., is marso a deir an Tighearna, an
... ar lígheadar na madruigh fuil
...t, annsin lighsidh na madruigh
... thfuilsi féin.
20 Agus a dubhairt Ahab re Helias,
... bhfuair tú mé, ó mo námhuid? agus
... fhreagair seision, fúarus: do bhrígh
... reac tú thú féin doibriughadh uilc
... radharc an Tighearna;
21 Féach do bhéara misi olc ort,
... sgriosfuidh mé do shliochd, agus
... gearrfuidh me ó Ahab an té mhúnas
... naghaidh an bhalla, agus an té
... dhúintear a stigh, agus fhagthar ann
... Israel.
22 Agus do dhéana mé do thigh mar
... thigh Ieroboam mhic Nébat, agus mar
... thigh Bhaasa mhic Ahijah, ar son an
... bhrosduighthe ler bhrostuighis mé chum
... feirge, agus le ttugais air Israél pea-
... cadh.
23 Agus do labhair an Tighearna ar
... Iesebel mar an gcéadna, ghá rádh,
... íosfaid na madruigh Iésebel láimh re
... balla Iesreel.
24 An té gheabhas bás ó Ahab annsa
... cathraigh, iosfaid na madruigh é: agus
... an té gheabhus bás annsa machaire,
... iosfaid éanlaith a naiéir é.
25 Achd ní raibh áon cosmhuil re
Ahab, noch do reac é fein doibriughadh
... uilc a radharc an Tighearna, noch do
... ghríosuigh a bhean Iesebel chuige sin.
26 Agus do rinne sé go ro adhfhuath-
... mhar a leanmhuin iodhal, do reir gach
... uile nithe dá ndéarnadar na Hamori-
... thigh, noch do theilg an Tighearna amach
... roimhe chloinn Israel.
27 Agus tárla a nuáir do chuála
Ahab na bríathra sin, gur réub sé a
... édach, agus gúr chuir saicéadach ar
a chorp, agus gur throisg, agus gur luidh
a saicéadach róinnigh, agus gur imthigh
go mín.
28 Agus tháinic bríathar an Tighearna
go Helias an Tisbíteach, gha rádh.
29 An bhfaiceann tú mar umhluighios
Ahab é féin am fhiadhnuisi? do chionn
gur umhluidh sé é féin am lathair, ní
thiubhra mé an tinneachadh na láethibh-
sion, acht a láethibh a mhic do bheara
mé an tinneachadh ar a thigh.

CAIB. XXII.

Ahab trē impidhe na bfágha meallach, do chuaidh se amach, & do thuit sé san chath. 41. Deagh ríoghadh Iehosaphat.

AGus dfanadar trí bliadhna gan
chogadh idir Shíria, agus Israel.
2 Agus tárla a ccionn an treas blia-
dhan, go táinic Iehosaphat Rígh Iúdah
sios go Rígh Israel.
3 Agus a dubhairt Rígh Israel ré na
mhuintir, nach bhfuil a fhios aguibhsi
gur linne Rámot an Gilead, agus sinn
ar ttámh marso, gan a buain amach as
láimh Rígh na Síria?)
4 Agus a dubhairt sé re Iehosaphat,
an racha tusa liomsa a ccath go Rá-
mot-gilead: agus a dubhairt Iehosaphat
re Rígh Israel, atáimsi mar atá tusa,
mo mhuintir mar do mhuintir, meich
mar heachruidh.
5 Agus a dubhairt Iehosaphat re Rígh
Israel, guidhim thú, fiafruigh bría-
thar an Tighearna a niugh.
6 Ann sin do chruinnigh Rígh Israel
na fáighe a gcionn a chéile, timchioll
cheithre chéud fear, agus a dubhairt riú,
an racha mé a naghaidh Rámot-gilead
do chur catha, nó an léigfidh me dho?
agus a dubhradarsan, imthigh súas:
óir toirbheora an Tighearna a láimh an
Rígh í.
7 Agus a dubhairt Iehosaphat, nach
bhfuil fáigh leis an Ttighearna annso,
taobh amuigh dhiobhso go bhfiafruigh-
mis de?
8 Agus a dubhairt Rígh Israel re Ie-
hosaphat, atá fós éanduine amháin, Mi-
cajah mhac Imlah, tre a bhféudam
fiafrughadh don Tighearna; acht atá
fuath agumsa air: óir ní thairghirionn
maith dhamh, ach olc: & a dubhairt
Iehosaphat, ná habradh an Rígh sin.
9 Ann sin do ghoir Rígh Israel oi-
figeach, agus a dubhairt, deithfrigh ann-
so Micajah mhac Imlah.
10 Agus do shuigh Rígh Israel agus
Iehosaphat Rígh Iúdah, gach aon na
chathaoir ríogha ar ccur a róbadha
umpa a nionad folamh a ndul a steach
gheata Shamária, agus na faidhe uile
ag fáidhedóireachd da lathair.
11 Agus do rinne Sedeciah mhac
Chenaanah adharca íaruinn dó féin:
agus a dubhairt, is marso a deir an Ti-
ghearna, leóso chnagfus tú na Síria-
nuigh, nó go sgriosfa tú íad.
12 Agus do thairghireadar na fái-
dhe uile marsin, gha rádh, éirigh súas
go Rámot-gilead, agus go néirghe
leachd; óir do bheara an Tighearna a
láimh an Rígh í.

13 Agus

13 Agus an teachdaire do chuáidh do ghairm Mhicajah, do labhair sé ris, ga rádh, feuch a nois foillsighid bríathra na bhfágh ní maith don Rígh le héinbhéul; guidim thú, biodh thfocalsa mar fhocal duine aca, agus labhair an ní is maith.

14 Agus a dubhairt Micajah, mar mhairios an Tighearna, gidh bé déaras an Tighearna riomsa, isé sin laibhéorad.

15 Marsin thainic sé chum an Rígh, agus a dubhairt an Rígh ris, a Mhicajah, an racham a naghaidh Rámot-gilead do chathughadh, nó an léigseam dhi: agus do fhreagair sesion é, imthigh, agus beir buáidh: óir do bhéara an Tighearna í a láimh an Rígh.

16 Agus a dubhairt an Rígh ris, cá mhéid úair mhinneochus mé thú, nach inneosa tú éinni dhamh acht an ní bhías fírinneach a nainm an Tighearna.

17 Agus a dubhairt seision, do chonnairc mé Israel uile spreidhte ar na cnocaibh, mar cháorchuibh ag nach bíadh áodhuire: agus a dubhairt an Tighearna, ní bhfuil maighistir orra so, filledis gach áon aca dha thigh a síothcháin.

18 Agus a dubhairt Rígh Israel re Iehosaphat, nach ar innis mé dhuit nach déanadh sé fáistine ar bith mhaith dom tháobhsa, achd olc,

19 Agus a dubhairt seisiоn, éistse ar a nadhbharsin bríathar an Tighearna: do chonnairc mé an Tighearna na shuidhe iona chathaoir, agus slóigh fhlaitheamhnais uile na seasamh na fhochair ar a laimh dheis, agus air a láimh chlé.

20 Agus a dubhairt an Tighearna, cía bhéaras ar Ahab dul súas lé ttuitseadh sé a Rámot-gilead? agus a dubhairt áon marso, agus áon mar súd.

21 Agus tháinic spiorad amach, agus do sheas a bhfíadhnuise an Tighearna, agus a dubhairt, do bhéara missi air é.

22 Agus a dubhairt an Tighearna ris, cía leis? agus a dubhairt seision, racha mé amach, agus biáidh mé am spiorad bhréagach a mbéul a fhágh uile. Agus a dubhairt seision, cuirfidh tú impidhe air, agus fós buáidheochuidh tú: éirigh amach agus déana sin.

23 Anois uimesin féuch, do chuir an Tighearna spiorad bréagach a mbéul na bhfághsa agadsa uile, agas do labhair an Tighearna olc dot thaóibh.

24 Achd tháinic Sedeciah mhac Chenaanah a bhfogus, agus do bhuáil sé Micajah ar an leacain, & a dubhairt, cía an tslighe ar ghabh spiorad an Tighearna uáimse do labhairt riotsa.

25 Agus a dubhairt Micajah, féuch do chíse tú sin annsa ló a racha tú a seomra a bhfad a steach dot fholach féin.

26 Agus a dubhairt Rígh Israel, glacaidh Micajah, agus beirigh libh é air a ais go Hámon úachtarán na caithreach, agus go Joas mac an Rígh;

27 Agus abruidh, is mar so a dei... Rígh, cuir an fearso a bpriosún, ... beathuigh é lé harán an doilghis, ... lé huisge an doláis, nó go ttige ... síothchain.

28 Agus a dubhairt Micajah, ma ... tú ar éanchor a síothchain, níor lab... an Tighearna thríomsa. Agus a dub... seision, éistighe a phobal re chéile.

29 Marsin do chuaidh Rígh Israel ... Jehosaphat Rígh Iúdah súas go Rá... gilead.

30 Agus a dubhairt Righ Israel ... Iehosaphat, cuirfidh missi mé féin a... tharrach crotha, agus rachad san ch... achd cuirsi do róbadha ort. Agus d'... Rígh Israel é féin, agus do ch... san chath.

31 Acht do aithin Righ na Siria ... dhá chaiptin déug agus fithche, ... riaghladh ós cionn a charbad, ... Ná troidigh re neach beag nó mór, ... amháin ré Rígh Israel.

32 Agus tárla an tan do ... caiptínigh na ccarbad Iehosaphat, ... ndubhradar, go deimhin isé súd ... Israel: Agus dfilleadar a leath... throid ris, agus do ghoir Iehosaphat ... comhairc.

33 Agus tárla a nuáir do aith...dar caiptínigh na ccarbad ... Rígh Israel é, gur fhilleadar ar a ... óna thóruigheachd.

34 Agus do tharruing duine ... bogha go teagmhuiseach, agus do bhuail sé Rígh Israel eidir altuibh an ... bail: uimesin a dubhairt sé ré ... chóisteóir, iompóigh do lámh, agus ... amach as a tslúagh mé, óir ... loitidh.

35 Agus do mhéuduigh an cath ... lá sin, agus do congmhadh an Rígh ... iona charbad a naghaidh na Siri..., agus fúair sé bás tráthnóna: agus do rith a nfuil as an ccneidh amach go ... an charbuid.

36 Agus tugadh fúagra ar feadh a... tsloigh timchioll dhul faoi na gréine, gha rádh, imthigheadh gach uile ... dhá chathruigh, agus gach uile ... dhá thír fein.

37 Marsin déug an Rígh, & tugadh é go Samária agus do adhlaiceadar ... Rígh a Samária.

38 Agus do nigh duine an carbad ... lochán Shamária, agus do ligheadar ... madruigh a fhuil súas, agus do nighe...dar a eídeadh do réir bhréithre ... Tighearna, noch do labhair sé.

39 Anois an chuid oile do ghníomh... Ahab, & a nuile ní dá ndearna sé, ... an tigh do rinne sé do chnámhuibh, ... na huile chaithreacha dar chuir sé ... nach bhfuilid síad scríobhtha a leabh... croinice Ríogh Israel?

40 Mar sin do choduil Ahab a bhfochair a aithreadh, agus do ríoghadh Ahasiah a mhac na aít.

41 Agu...

41 Agus do thoſuigh Jehoſaphat
... Aſa a rioghachd ós cionn Judah
... ccèathramhadh bliadhan do Ahab
... Iſrael.
42 Do bhí Jehoſaphat cúig bhlíadhna
... thríochad daois a núair do thoſuigh
a righe, & do bhí na Rígh cúig bhlí-
... fichchiod ann Jeruſalem: & do bé
... a mhathar Aſuba inghean Shilli.
43 Agus do ſhiubhail ſé a ſlighthibh
... a athar, nióṙ ḟhill ſé do leathtaoibh
..., ag déanamh an neithe fa ceart a
... harc an Tighearna: gidheadh nióṙ
...eadh na háite árda ar ccúl; óir do
...bhraidís an pobal, agus do loiſgedís
... túis annſna háitibh árda.
44 Agus do rinne Jehoſaphat ſíoth-
... ré Rígh Iſrael.
45 Anois an chuid oile do ghnío-
...bh Jehoſaphat, agus na cumachda
... thaisbéin ſe, agús cionnus do rinne
...adh, nach bhfuilid ſcríobhtha a lea-
... cronice Ríogh Júdah?
46 Agus ar mhair do na Sodomítibh,
... dſan a laéthibh a athar Aſa, do
... ſé as a tír íad.
47 Ní raibh anſin Rígh ar bhith ann
...; fear ionaid Rígh do bhí na
...

48 Do rinne Iehoſaphat luingios do
Tharſis do dhul go Hóphir ar ceann óir;
achd níor imthigheadar ióir do bhriſeadh
na lunga ag Héſion-géber.
49 Annſin a dubhairt Ahaſiah mhac
Ahab re Iehoſaphat, léig do mo ſheir-
bhíſeachaibhſe dul le do mhuintir annſna
longaibh: achd níor bháill lé Iehoſa-
phat ſin.
50 Agus do choduil Iehoſaphat
agá aithribh, agus do hadhlaiceadh a
bhſochar a aithreadh é a ccathraigh
Dhaibhi a athar: agus do ríoghaidh Ie-
horam a mhac na áit.
51 Do thoſuigh Ahaſia mhac Ahab
ríaghladh ós cionn Iſrael a Samária, an
ſeachdmhadh blíadhan deúg do Iehoſa-
phat Rígh Iúdah, agus do bhí na Rígh
dha bhliadhuin air Iſrael.
52 Agus do rinne ſé olc a radharc an
Tighearna, agus do ſhiubhuil a ſlighe a
athar, agus a ſlighe a mhathár, agus a
ſlighe Ieroboam mhic Nébat, noch thug
ar Iſrael peacughadh.
53 Oir do rinne ré ſerbhis do Bháal,
agus do onóruigh ſé é, agus do bhroſ-
taigh ſé an Tighearna Día Iſrael chum
feirge, do reir a nuile ní dá ndéar-
nuigh a athair.

IN DARA LEABHAR NA RIOGH, DA NGOIRTHEAR GO COITCHEANN, AN CEATHRAMHADH LEABHAR NA RIOGH.

CAIB. I.

... Elias um bhás Ahaſia. 10. Tug ... teine ó neamh anúas.

ANſin do chuáidh Móab a
gcogadh a naghaidh Iſrael
tar éis bháis Ahab.
2 Agus do thuit Ahaſiah
ſíos tré laitís a ſhéomra
úachdarach do bhì a Sa-
mária, agus do bhí ſé tinn,
agus do chuir teachda úadh, agus a
dubhairt ríu, éirigidhe, fiafruighidh do
Bhaal-ſebub día Ecron an ttiucfa mé ón
tinnios ſo.
3 Achd a dubhairt aingeal an Tighearna
re Helias an Tisbiteach, éirigh, imthigh
ſúas do theagmhail ré teachdaibh Rígh
Samária, agus abair ríu, An do chionn
nach bhfuil Día ann Iſrael atáthaóiſe ag
dul dfiafruigh ſgéul do Bhaal-ſebub día
Ecron!
4 Anois ar a nadhbharſin is marſo a
deir an Tighearna; ní thiucfa tú a nuas
as an leabuidh ſin ar a ndeachuidh tú
ſúas, achd do gheabha tú bás go dei-
mhin. Agus dimthigh Elias.
5 Agus a nuáir dfilleadar na teachda
ar a nais chuige, a dubhairt ſe ríu, cred
far ſhilleabhair ar bhur nais?

6 Agus a dubhradarſan ris, tháinic
duine ſúas ar ccoinne, agus a dubhairt
ſe rinn, imthighidh, eirghidh a rís
chum an Rígh ó ttangabhair, agus ab-
ruidh ris, is marſo a deir an Tighear-
na, an do chionn nach bhfuil Día ann
Iſrael chuirios tú teachda dfiafruigh dó
Bhaal-ſebub día Ecron? ar a nadhbhar-
ſin ní thiucfa tú a nuas as an leabuidh-
ſin ar a ndeachaidh tú ſúas, achd do
gheabha tù bás go deimhin.
7 Agus a dubhairt ſeiſion ríu,
cred an ghne dhuine an té ſin tháinic
ſúas bhur ccoinne, agus dinnis na bri-
athraſa dhíbh?
8 Agus do fhreagradarſan é, duine
fionnadhmhach, agus criosluigh le crios
leathair timchioll a chaóil. Agus a
dubhairt ſeiſion, iſſé Elias an Tis-
bíteach é.
9 Ann ſin do chuir an Rígh chuige,
caiptín caogaid maille re na chao-
gad: agus do chuaidh ſé ſúas chuige,
(agus féuch, do bhí ſeiſion na ſhuighe
ar mhullach cnuic) agus do labhair ſé
ris, thuſa a óglaich Dé, dubhairt an Rígh
riot teachd a nuás.
10 Agus do fhreagair Elias, agus
a dubhairt re caiptín an cháoguid, mas
óglach do Dhía miſi, annſin tigeadh
teine

teine a nuas ó neamh, agus loisgeadh
si thusa, agus do cháogad. Agus tháinic
teine a nuas ó neamh, agus loisg si
eision, agus a cháogad.
11 A rís mar an gcéadna do chuir
an [Rígh] chuige caiptín oile air cháo-
gad maille re na chaogad: agus do
fhreagair seision é, agus a dubhairt ris,
A óglaich Dé, is marso a deir an Rígh,
tárr a núas go tapuidh.
12 Agus do fhreagair Elias, agus a
dubhairt ríu, más óglach do Dhía misi,
tigeadh teine a nuas ó neamh, agus loi-
sgeadh thusa agus do cháogad. Agus
tháinic teine Dé a núas ó neamh, agus
do loisg eision agus a chaogad.
13 Agus do chuir a rís caiptín an
treas cáoguid gun a cháogad, agus do
chuaidh an treas caiptín cáoguid súas,
agus thainic sé, agus do léig é féin ar a
ghlúinibh a bhfiaghnuise Elias, agus do
ghuidh é, agus a dubhairt ris, óh a
óglaich Dé, guidhim thú, bíodh ma-
numsa agus anum an cháogaidsi do
sheirbhisigh, mórlúaich ann do radharc.
14 Féuch, tháinic teine a núas ó
neamh, agus do loisg si an dá chéad-
chaiptín caógad maille re na gcáoga-
duibh: ar a nadhbharsan bíodh manumsa
a nois mórlúaich ann do radharc.
15 Agus a dubhairt aingeal an Ti-
ghearna re Hélias, éirigh leis sios,
ná bíodh eagla ort roimhe. Agus déi-
righ seision, agus do chuáidh sé leis sios
gus an Rígh.
16 Agus a dubhairt sé ris, is marso
a deir an Tighearna, do bhrígh gur
chuir tú teachda dfiafruighe sgéul do
Bhaal-sebul día Ecron, an do chionn
nach raibh Día an Israel a bhfiafro-
chadh scéula dá bhreithir? air a nadh-
bharsin ni thiucfa tú a nuas don lea-
buidhsin air a ndeacuidh tú suas, achd
do gheabha tú bás go demhin.
17 Marsin súair sé bás do réir fhocail
an Tighearna, noch do labhair Elias,
agus do ríoghuidh Jehoram na aít,
annsa dara bliadhan do Jehoram mhac
Iehosaphat Rígh Júdah; do chionn
nach raibh éanmhac aige.
18 Annois an chuid oile do ghniómh-
uibh Ahasiah, noch do rinne sé, nach
bhfuilid scríobhtha a leabhar Croinice
Ríogh Israel?

CAIB. II.

Elias ar na thógmhail súas go neamh. 9 Dfag a spiorad & a fhalluing ag Elisa.

AGus tárla a nuáir do báill leis an
Tighearna Elias do thógbháil
súas go neamh lé sidéan gaoithe, go ndea-
chaidh Elias le Helisa ó Ghilgal.
2 Agus a dubhairt Elias re Helisa,
guidhim thú, fan annso: óir do chuir
an Tighearna misi go Bétel. Agus a du-
bhairt Elisa ris, mar mhairios an Ti-
ghearna, agus mar mhairios hanumsa,
ní fhúigfidh mé tú. Marsin do chuádar
síos go Bétel.
3 Agus thangadar mic na bhfáidh,
do bhí a Mbétel amach go Helisa, agus
a dubhradar ris, An bhfuil a fhios
agadsa go mbéara an Tighearna do
mhaighistir ód cheann a niugh? agus
a dubhairt seision, atá a fhios agum,
bithise bhur ttochd.
4 Agus a dubhairt Elias ris, A Elisa,
fan annso, mar athchuinge ort: óir
do chuir an Tighearna misi go Iericho:
agus a dubhairt seision, mar mhairios
an Tighearna, agus mar mhairios ha-
numsa, ní dheileochuidh mé riot. Mar-
sin do chuádar gó Iericho.
5 Agus thangadar mic na bhfáidh
do bhí an Iericho go Helisa, agus a
dubhradar ris, an bhfuil a fhios agadsa
go mbéura an Tighearna do mhaighistir
ód cheann a niugh? agus do fhreagair
seision, ga rádh, atá a fhios sin agum,
bíthisi bhur ttochd.
6 Agus a dubhairt Elias ris, guidhim
thú, fan annso: óir do chuir an Tigh-
earna misi go Iordan: agus a dubhairt
seision, mar mhairios an Tighearna, agus
mar mhairios hanumsa, ní fhúigfidh mé
thú. Agus dimthigheadar romhpa a-
ráon.
7 Agus do chuádar cáogad do chloinn
na bhfagh, Agus do sheasadar da léi-
chain a bhfad uatha, agus do sheasadar
san a raon láimh ré Iordan.
8 Agus do ghlac Elias a fhalluing,
agus dfill ar a chéile í, agus do bhuáil
na huisgeadha, agus do roinneadh iad
annso agus annsúd, iondus go ndeacha-
dar anonn aráon ar talumh tirim.
9 Agus tárla a núair do chuádar
anonn, go ndubhairt Elias re Helisa,
íarr cred is áill leachd misi do dhé-
namh ar do shon, suil bhéarthar uáit mé.
agus a dubhairt Elisa, guidhim thú, bí-
odh roinn dhúbalta dot spiorad orum.
10 Agus a dubhairt seision, is cruáidh
an ní díarr tú: má chí tú misi a núair
bhéarthar uáit mé, biaidh sé agad mar
sin: achd muna bhfaicir, ní bhiaidh.
11 Agús tárla mar do bhádar ag
imtheachd ar a naghuidh, agus ag caint,
féuch carbad tinntighe, agus eich tinn-
tighe do chuireadar aráon íad ó chéile:
agus do chuáidh Elias súas le sidéan ga-
oithe air neamh.
12 Agus do chonnairc Elisa sin, agus
do éigh sé, O mo athair, ó mo athair,
carbad Israel, agus a mharcshlúagh:
agus ní fhaca sé ní sa mhó é; agus
rug sé ar a éadach féin, agus do réub
an ndá chuid íad.
13 Do thóg sé mar an gcéadna fal-
luing Elias do thuit úadh, agus do
chuáidh ar a ais, águs do sheas ag
brúach Iordan.
14 Agus do ghlac sé falluing Elias
do thuit uadh, agus do bhuáil na
huisgeadha lé, agus a dubhairt, Cáit
a bhfuil Tighearna Día Elias? agus
a nuáir do bhuáil seision fós na hui-
sgeadha,

...dan, do chéadar ó chéile anonn sa
..., agus do chuáidh Elisa thairis.
15 Agus an tan do chonncadar mic
... bhfáigh, noch do bhí ag feitheamh an
...cho, é, a dubhradar, dfan spiorad
... air Elisa. Agus thangadar na cho-
..., agus do chlaonadar íad féin go
... dá láthair.
16 Agus a dubhradar ris, féuch anois
... ag do sherbhísigh cáogad fear
..., guidhmid thú, imthighdis, a-
...rraidis do mhaighistir, ar eagla
... thóg spíorad an Tighearna súas é,
... gur theilg sé air shliabh éigin é.
... a dubhairt seision, ní chuirfidhe
... íad.
17 Agus a nuáir do sháruigheadar é,
... go raibh náire air, a dubhairt sé,
...gh: do chuireadar uimesin cáogad
..., agus díarradar é trí lá, achd ní
...adar é.
18 Agus a nuáir thangadar a rís
...sion (óir dfan sé léo an Jericho.)
...bhairt sé ríu, nach ndubhairt missi
... Ná himthighidh.
19 Agus a dubhradar muintir na cai-
...ch re Helisa, guidhmid thú, féuch
... áitreamhach suidhiughadh na caith-
...sa, mar do chí mo thighearna:
... is olc an tuisge, agus an talumh
...chórrthach.
20 Agus a dubhairt seision, tabhruigh
... crúisgín núadh, agus cuirigh
... ann: agus thugadar sin
...
21 Agus do chuáidh seision amach
... a raibh gineamhuin na nuisgeadh, a-
... do theilg sé an salann ann, agus a
...rt, is marso a deir an Tighear-
... leighis mé na huisgeadhasa, ní bhía
... marbhadh nó neamhthórrachd
...
22 Marsin do leasuigheadar na huis-
... gus a ningh, do réir bhréithre
... noch a dubhairt sé.
23 Agus do chuáidh sé súas as sin
... Betel, agus mar do bhí sé ag im-
...eachd súas ar a tslighe, thangadar
... bheaga amach as an gcathruigh, a-
... do rinneadar magadh air, agus a
...bhradar ris, éirigh súas a chinn mha-
...il, éirigh súas a chinn mhaóil.
24 Agus do iompóigh seision ar a
..., agus dféuch orra, agus do mhal-
...igh sé íad a nainm an Tighearna:
... tháinig amach dhá mhathghamhuin
...nna as an ccoill, agus do réu-
... días agus dá fhithchiod leanamh
... díobh.
25 Agus do chuáidh sé as sin go
... sliabh Carmel, agus as sin dfill sé go
Samaria.

CAIB. III.

Do innis Elisa do ríoghaibh Israel, Judah, & Edom, go buaghuidheadh iad ar mhuintir Mhoab.

ANois do thosuigh Jehoram mhac A-
hab a ríoghachd ós cionn Israel a
Samária an tochdmhadh bliadhan déug
do Jehosaphat Rígh Júdah, agus do bhí na
Rígh dhá bhliadhuin déug.
2 Agus do rinne sé olc a radharc an
Tighearna, acht ní cosmhuil re na athair
nó ré na mhathair: óir do chuir seision
uadh íomháigh Bhaal, noch do rinne a
athair.
3 Ar a shon sin do théann sé ris na
peacadhuibh do rinne Jeroboam mhac
Nébat, noch thug ar Israel peacadh dhéa-
namh: níor dhealuigh sé riú sin.
4 Agus do bhí Mesa Rígh Moab na
mhaighistir cáorach, agus do bheireadh
do Rígh Israel céud míle úan, agus céud
míle reithe gun a noluinn.
5 Agus tárla a nuair déug Ahab, go
ndeachuidh Rígh Moab a gcogadh ar
Rígh Israel.
6 Adus do chuáidh an Rígh Jehoram
amach as Samária a nuair chéadna, agus
do airimh sé Israel uile.
7 Agus dimthigh sé, agus do chuir
sé fios go Jehosaphat Rígh Júdah, dha
rádh, do chuáidh Rígh Móab a gco-
gadh am aghaidh, an racha tú liom do
chathughadh a naghaidh Mhóab? Agus a
dubhairt seision, rachad: ataimse
mar atá tusa, mo dháoine mar do dhá-
oine, agus mo mharcshlúagh mar do
mharcshlúagh.
8 Agus a dubhairt sé, cia an
tslighe a rachum súas? agus do fhrea-
gair seision, An tslighe tré fhásach Edom.
9 Mar sin do imthigh Rígh Israel, a-
gus Rígh Júdah, agus Rígh Edom, agus
do chúadar aisdior sheachd lá timchioll:
agus ní raibh uisge aca don tslúagh nó
don náirneis do lean íad.
10 Agus a dubhairt Rígh Israel, A
thruáighe gur ghoir an Tighearna na trí
Ríghthe so a ccionn a chéile dá sea-
chad a laimh Mhóab.
11 Agus a dubhairt Jehosaphat, Nach
bhfuil annso fáigh leis an TTighearna?
agus do fhreagair duine do mhuintir
Rígh Israel é, agus a dubhairt, atá
annso Elisa mhac Saphat, noch do
dhóirt uisge ar lámhuibh Elias.
12 Agus a dubhairt Jehosaphat, atá
bríathar an Tighearna maille ris.
Ann sin do chuáidh Rígh Israel, agus
Jehosaphat, agus Rígh Edom síos go
nuige é.
13 Agus a dubhairt Elisa ré Rígh Is-
rael, cred atá agumsa ré dhéanamh
riotsa? imthigh go fáighibh hathar,
agus go fáighibh do mhathar. Agus a
dubhairt Rígh Israel ris, ní headh, óir
do ghoir an Tighearna na trí Ríghthesi
a ccionn a chéile dá seachad a láimh
Mhoab.
14 Agus a dubhairt Elisa, mar
mhairios Tighearna na slógh da lathair a
seasuim, muna bhféuchuinn go deimhin do
Jehosaphat Rígh Júdah do bheith a la-
thair,

thair, ní fhéuchuin leath riotsa, agus ní
fhaicfhinn tú.
15 Acht a nois tábhair fear seanma
chugam. Agus tárla a nuáir do shion an
fear seanma, go ttáinic lámh an Tigh-
earna fairsion.
16 Agus a dubhairt sé, is marso a
deir an Tighearna, déanuidh an gleann-
sa lán do dhíógachaibh.
17 Oir is marso a deir an Tighearna,
ní fhaicfidhe gaoth, agus ní mó chi-
fidhe fearthuinn, gidheadh líonfuidhear
an gleannsa duisge lé a bhféudfuigh uisge
dól, sibh féin araon, agus bhur nairneis,
agus bhur nainmhintigh.
18 Agus ní bhfuil annso acht ní
éattrom a radharc an Tighearna; féach-
óduigh sé na Moabitigh fós ion bhur
láimh.
19 Agus búailfidhthe gach éanchathair
dhaingion, agus gach éanchathair thogh-
tha agus leag fuidhe gach éan chrann
maith, agus stopfuidhe gach uile thobar
uisce, agus millfidhe gach éanchuid
mhaith fhearainn lé clochaibh.
20 Agus tárla ar maidin a nuair do
bofráladh an níodhbairt bhídh, féuch,
go ttáinic uisge a slighe Edom, agus do
líonadh an tír le huisge.
21 Agus a núair do chúaladar na
Moabitigh uile go ttangadar na Righ-
the súas do throid na naghaidh,
do chruinnigheadar an mheid re ttáinic
arm iomchar, agus ós a chionn,
agus do sheasadar ar an leithimiol.
22 Agus do éirgheadar súas go
moch ar maidin, agus do lonnruigh an
ghrian ar a nuisge, agus do chonncadar
na Móabitigh an tuisge don tt aóibh oile
choimhdhearg re fuil.
23 Agus a dubhradar, is fuil so, atáid
na Righthe marbh go deimhin: agus
do bhuaileadar féin a chéile: anois ar
a nadhbharsin a Mhóab, freagair chum
na héadala.
24 Agus a nuáir thangadar go fo-
slongport Israel, do éirgheadar na His-
raelitigh súas, agus do bhuáileadar na
Móabitigh, iondus gur theitheadar
rompa: acht do chúadar ar a
naghaidh, búaladh na Móabíteach air
fad gus a ttír féin.
25 Agus do bhriseadar síos na cai-
threacha, agus ar gach uile phíosa
mhaith fhearuinn do chaith gach éan-
duine a chloch, gur líonadar é, agus do
stopadar a nuile thobar uisge, agus do
ghearradar na croinn mhaithe uile:
amháin ann Cir-haraset dfágbhadar a
clocha: acht cheana do chúadar luchd
na ccránn ttábhuill na ttimchioll, agus
do bhuáileadar í.
26 Agus an tan do chonnairc Rígh
Móab an cath ro dhóirbh; do rug sé
leis seacht ccéud fear do tharruing
cloidheamh, do bhrifeadh tré chách go
Rígh Edom, acht níor fhéadadar.
27 Ann sin do ghlac sé a mhac sa
sine do bhiadh na oighre air [illegible]
rioghachd, agus do íodhbuir é [illegible]
ofrail loisge ar an mballa; [illegible]
do bhí diombuadh romhór a [illegible]
ghaidh Israel, agus do imthigheadar
uadh, agus dfilleadar dá ndúthaigh
fein.

CAIB. IV.

Cúig míorbhailte ainmneamhail dénta [illegible] Helisa.

ANois do éigh bean áirigh do mhnáibh
mhac na bhfaigh chum Elisa, [illegible]
rádh, fuáir do shearbhfhoghanta
mfear bás, agus atá a fhios agad go r[illegible]
eagla an Tighearna air do sheirbhíseach:
agus tháinic fear na bhfiach do bhreith
mo dheise mac leis dá mbeith si [illegible]
óirse aige.
2 Agus a dubhairt Elisa ría, cr[illegible]
dhéanadsa ar do shon? innis dam[illegible]
atá agad ann do thigh? agus a dubhairt
sisi, ní bhfuil éinni ag do bhanóglaich
annsa tigh, achd pota ola.
3 Annsin a dubhairt seision, éirigh
fagh soithighe ar íasachd amuigh [illegible]
chomharsannuibh uile, eadhon soithighe
folmha; ná táobh ré beagán.
4 Agus a nuáir thiucfas tú a [illegible]
druidfidh tú an dorus ort féin, [illegible]
do mhacaibh, agus dóirtfidh [illegible]
soithighibh sin uile, agus cuirfe [illegible]
soitheach lán, a leathtaoibh.
5 Marsin do imthigh si uadh, agus [illegible]
dhruid si an dorus uirre [illegible]
gus ar a cloinn, noch thug [na soithighe
chuice, agus do dhóirt si amach [illegible]
nola.]
6 Agus tárla a nuáir do bhádar [illegible]
soithighe lán, go ndubhairt sisi re [illegible]
mac, tabhair chugam fós soitheach [illegible]
lámh: agus a dubhairt sé ria, ní bh[illegible]
éantsoitheach níos mó ann: agus do [illegible]
án ola.
7 Ann sin tháinic si, agus [illegible]
dóglach Dé: agus a dubhairt seision ria,
imthigh, reac a nola, agus díol thfiacha,
agus tarr féin agus do chlann sus [illegible]
an ccuid oile.
8 Agus tárla lá éigin gur ghabh Elisa
thríd Shunem, mar a raibh bean mhór-
dha, gur choimheignigh si é [illegible]
aráin: agus is marsin do bhí dá [illegible]
dá ngéabhadh annsin, go ttigh sé a
steach ann, dithe aráin.
9 Agus a dubhairt sisi re na fear,
féuch anois, measuim gur duine [illegible]
an tési ghabhus ré ar ttáobh go [illegible]
nic.
10 Guidhim thú, déunum séomra beag
ar an mballa dhó, agus cuiriom leab-
uigh annsin dó, agus bórd, agus [illegible]
agus coinnleóir: agus as amhluidh bhias
a nuáir thiucfas sé chuguinn, go bhfill-
fidh sé annsin a steach.
11 Agus tárla lá éigin dhá ttáinic sé ann
sin, agus do chuáidh a steach don tséomra,
agus do luigh sé ann.

12 Agus a dubhairt sé re Gehasi a
ghiolla fhoghantuigh, goir an Tsuna-
miteachsa. Agus a nuáir do ghoir sé
í, do sheas sí as a choinne.
13 Agus a dubhairt sé ris, abair ría
anois, féach do bhí tú cúramach iomuinne
ris an gcúramsa uile: cred atá re
dhéanamh air do shon? an áill leachd
labhairt ris an Righ ad thimchioll, nó ré
ceann an tslóigh? agus do fhreagair sisi,
atáim am chomhnuigh a measg mo dha-
oine féin.
14 Agus a dubhairt seision, cred
mar atá ré a dhéanamh ar a son? a-
gus do shreagair Gehasi, go deimhin ní
bhfuil éanduine cloinne aice, agus atá a
fear foirfe.
15 Agus a dubhairt seision, goir í.
Agus a nuáir do ghoir sé í, do sheas sí
san dorus.
16 Agus a dubhairt seision, tim-
chioll a namasa do réir aimsire na
beatha, biáidh mac agad: agus a du-
bhairt sisi, ní headh ó mo thighearna,
a óglaich Dé, ná déana bréug red bhan-
óglaich.
17 Agus do toircheadh an bhean, a-
gus rug sí mac annsa namsin a du-
bhairt Elisa ría, do réir aimsire na
beatha.
18 Agus a nuáir do fhás an lea-
namh, tárla lá go ndeachuidh sé a-
mach chum a athar gus an methill bhú-
ana.
19 Agus a dubhairt sé ré na athair,
mo cheann, mo cheann: agus a dubhairt
seision ré búachuill, beir chum a mha-
thar é.
20 Agus a nuáir do rug sé air, agus
thug chum a mhathar é, do shuigh sé ar
a glúinibh go meadhon laói, agus fuair
sé bás annsin.
21 Agus do chuaidh sisi súas, agus do
chuir na luidhe ar leabuigh óglaich Dé é,
agus do dhruid sí an dorus air, agus
do chuaidh sí amach.
22 Agus do ghoir sí air a fear, agus
a dubhairt ris, guidhim thú, cuir chu-
gam aon do na hóganachaibh, agus aon
do na hasaluibh, go rithe mé go hóglach
Dé, agus go tti me a rís.
23 Agus a dubhairt seision, cred as a
rachtása chuige a niugh? ní ré núadh, nó
sabboid atá ann: agus a dubhairt sisi, (bi-
áidh) go maith.
24 Ann sin do chuir sí diallóid ar
asal, agus a dubhairt ré na hóglach,
tiomáin, agus gluáis romhuinn; ná fail-
ligh do mharcuigheachd ar mo shonsa,
muna nabra mé riot é.
25 Marsin do imthigh sí, agus thái-
nic go hóglach Dé go sliabh Carmel:
agus tárla a nuáir do chonnairc óglach
Dé í a bhfad uadh, go ndubhairt sé ré
Gehasi a óglach, féuch, sí súd an Tsu-
namiteach:
26 Guidhim thú, rioth anois na co-
inne, agus abair ría, an bhfuiltear go
maith agad? an bhfuiltear go maith ag
thfear? an bhfuil an leanamh go maith?
agus do fhreagair sisi, gha rádh, atáthair
go maith.
27 Agus a nuáir tháinic sí go hóglach
Dé gus an ccnoc, rug sí ar chosuibh
air: acht tháinic Gehasi a ngar dá ccur
úadh. Agus a dubhairt óglach Dé, léig
dhi, óir atá a hanum ar na chrádh
innte: agus do cheil an Tighearna orum-
sa é, agus níor innis sé dhamh é.
28 Ann sin a dubhairt sisi, nar iarr
misi mac ar mo thighearna? nach
dubhairt mé, ná meall mé?
29 Ann sin a dubhairt sé ré Gehasi,
criosluigh do cháol, agus glac mo bha-
tasa ann do láimh, agus imthigh romh-
ad: má theagmhann éanduine riot, na
beannuigh dhó, agus má bheannuighionn
éanduine dhuit, na freagair é a rís: agus
leag mo bhata ar aghaidh an leinimh.
30 Agus a dubhairt mathair an lei-
nimh, mar mhairios an Tighearna, agus
mar mhairios hanumsa, ní fúigfidh
mé thú. Agus déirigh sé, agus do lean
sé í.
31 Agus do ghluáis Gehasi rompa,
agus do leag sé an bata ar aghaidh
an leinimh, achd ní raibh guth nó é-
isteachd ann: uimesin do chuáidh sé na
choinnesion a rís, agus dinnis dó, ghá
rádh, ní bhfuil an leanamh dúisighe.
32 Agus a nuáir thainic Elisa don tigh,
féuch do bhí an leanamh marbh, agus
é na luidhe ar a leabuidhsion.
33 Uimesin do chuáidh sé a steach,
agus do dhruid an dorus orra aráon, agus
do ghuidh sé an Tighearna.
34 Agus do chuáidh sé súas, agus do
luidh sé ar an leanamh, agus do chuir a
bhéul air a bhéul, & a shúile ar a shúilibh,
agus do shín sé é féin ar an leanamh, a-
gus dfás feóil an leinimh te.
35 Ann sin dfill sé, agus do shiu-
bhuil sé an tigh sios agus súas, agus do
chuáidh sé, agus do shín sé é féin air:
agus do rinne an leanamh sróthfurtach
seachd nuáire, agus dfoscuil sé a
shúile.
36 Agus do ghoir sé ar Ghehasi, agus
a dubhairt ris, goir an Tsunamiteachsa.
Marsin do ghoir sé í, agus a nuáir thai-
nic sí a steach chuige, a dubhairt seision,
tóg súas do mhac.
37 Ann sin do chuaidh sí a steach
chuige, agus do thuit sí agá chosuibh,
agus do chláon í féin go nuige an tta-
lumh, agus do thóg súas a mac, agus
do chuáidh sí amach.
38 Agus thainic Elisa a rís go Gil-
gal, agus do bhí gorta annsa tír, agus
do bhádar mic na bhfágh na suighe na
fhiadhnuise, agus a dubhairt seision re
na óglach, cuir sios an pota mór
agus bruith phraiseach do mhacaibh na
bhfágh.
39 Agus do chuáidh duine amach
sin machaire do chnúasach luibhionn,
agus

agus fuáir ſé fineamhuin fhíadhuin, agus do chruinnigh dhe ſin buinneáin lán a ochda, agus thainig, agus do ghearr íad a bpota na praiſigh, óir ní raibh a fhios aca cred íad.

40 Ann ſin do líónadar amach praiſeach do na daoinibh re a ithe: agus tárla a núair do bhádar ag ithe na praiſigh, gur éigheadar, agus go ndubhradar, ó a oglaich Dé, atá bás annſa bpota: agus níor fhéadadar ithe.

41 Acht a dubhairt ſeiſion, maiſeadh tabhruigh chugam min; & do theilg ſé ſan phota í; agus a dubhairt ſé, doirt uáit chum na ndaoineadh go níthid: agus ní raibh dochar ſan phota.

42 Agus tháinic duine ó Bhaal-ſaliſa, agus thug chum óglaich Dé arán do na céad tórthaibh, fithche builin eórna, agus déuſa iomlán arbha jona ccáithleach fein: agus a dubhairt ſeiſion tabhair do na daoinibh, go nithid.

43 Agus a dubhairt a ſhearbhfhoghantuigh, cred fá ccuirfinnſe ſo a bhfiaghnuiſe chéad fear? a dubhairt ſeiſion a rís, tabhair do na daoinibh go nithid; óir is marſo a deir an Tighearna, ioſuid agus biáidh fuighioll aca.

44 Annſin do chuir ſé ſin jona bhfiaghnuiſe, agus a duadar, agus do bhí fuigheall aca, do reír bhreíthre an Tighearna.

CAIB. V.

Do liagbais Eliſa lubhra Naaman.

ANois do bhí Naaman caiptín ſlóigh Rígh na Síria na dhuine mór agá thighearna, agus ro onorach, do bhrígh gur dá thaóibh thug an Tighearna tárthail do Shíria; do bhí ſé mar an gcéadna na dhuine neartmhar a ngaiſgidh, acht do bhí ſé na lobhar.

2 Agus do chúádar na Síríanuigh amach na ccuideachduibh, agus thugadar bráighe leó as tír Iſrael, cailín beag, agus do bhí ſí ag feithiomh ar mhnáoi Náaman.

3 Agus a dubhairt ſí re na maighiſtreás? do bhfeárr liom go mbeith mo thighearna ag an bhfáigh atá a Samária: óir do leighiſiodh ſé on lubhra é.

4 Agus do chuáidh duine a ſteach, agus dinnis dá thighearna, gha rádh, is marſo agus marſo a deir an cailín atá do thír Iſrael.

5 Agus a dubhairt Rígh na Síria, gluáis, imthigh romhad, & cuirfidh miſi litir chum Rígh Iſrael. Agus do ghluáis ſeiſion, agus rug leis deich ttallunna airgid, agus ſé mhíle pioſa óir, agus deich natharruigh éaduigh.

6 Agus thug ſé an litir go Rígh Iſrael gha rádh, anois a nuair thiucfas an litirſi, féuch do chuir mé mo ſhearbhfhoghantuigh Náaman chugad, chor go leigheoſtá é ón a lubhra.

7 Agus tárla a nuáir do [illegible] Rígh Iſrael an litir, gur bhri[illegible] eádach, agus go ndubhairt ſé, A[illegible] miſi do mharbhadh, agus do [illegible] beó, as a ccuirionn an fearſo ch[illegible] ſhlánughadh duine óna lubhra? [illegible] nadhbharſin guidhim ſibh, [illegible] féuchuidh ciondus íarruis ſé c[illegible] chugam.

8 Agus is amhluidh bhí, a[illegible] do chúaluidh Eliſa óglach Dé, [illegible] Rígh Iſrael a éadach, do chuir ſ[illegible] an Rígh, gha rádh, créd fár [illegible] héadach? tigeadh ſé anois ch[illegible] agus biáidh a fhios aige go bhfuil [illegible] ann Iſrael.

9 Ann ſin tháinic Náaman [illegible] mharcſhluagh, agus 'gun a ch[illegible] agus do ſheas ſé ag doru[illegible] Eliſa.

10 Agus do chuir Eliſa teach[illegible] chuige dhá rádh ris, imthigh, [illegible] thú féin ann Iordan ſeachd nuáire, [illegible] tiucfaidh thfeóil chugad a rís, [illegible] biáidh tú glan.

11 Acht do ghabh fearg N[illegible] agus dimthigh roimhe, agus a d[illegible] ſé, féuch do ſhaóil mé go t[illegible] ſé amach chugam go deimhin, [illegible] ſeasfadh, agus go ngoirfeadh ar [illegible] a Thighearna Dé, agus go mb[illegible] a lámh ós cionn a nothair, agus an [illegible] do ſhlánughadh.

12 Nach féarr Abána agus Pharphar, aibhne Dhamaſcus, ná [illegible] duiſgeadhuibh a Niſrael? nach [illegible] duim ionnladh ionta ſin, agus [illegible] glan? marſin do ſhill ſé, agus [illegible] thigh roimhe a bhfeirg.

13 Agus thangadar a mhuintir [illegible] ge, agus do labhradar ris, & a d[illegible] radar, ó a athair, dá nabradh an [illegible] riot ní mór éigin do dhéanamh, [illegible] déantá é? nach ro mhó ná ſin a [illegible] deir ſé riot, ionnail, agus bí glan.

14 Ann ſin do chúaidh ſé ſíos, agus do thom ſé é féin ſeachd nuáire ann Iordan, do reír mar a dubhairt óglach Dé: & thainig a fheóil a rís mar [illegible] leinimh bhig, agus do bhí ſé glan.

15 Agus dfill ſé chum óglaich Dé, é féin agus a chuideachda uile, agus tháinic, agus do ſheas ſé dá lathair: agus a dubhairt ſé, féuch, anois [illegible] ghim nach bhfuil Dia air bith air [illegible] ttalumh uile, achd a Niſrael: anois [illegible] a nadhbharſin, glac tiodhlacadh [illegible] ſhearbhfhoghantuigh.

16 Achd a dubhairt ſeiſion, [illegible] mhairios án Tighearna a lathair a [illegible] ſuim, ní ghlacfa mé éainní úait: achd do bhí ſé dhá ſhárughadh, ionnus go [illegible] fadh; agus do dhiult ſeiſion é.

17 Agus a dubhairt Naáman, maiſeadh nach ttiubharthar dot ſhearbhfhoghantuigh eire dá mhúille do chréafoig: óir ní ofráilfidh do ſhearbhfhoghantuigh ó ſo amach ofráil loiſge nó iodhbuirt do dheeibh

...eibh ar bith oile, achd don Ti-
...arna.
18 Ann sa nise go ttuga an Tighear-
... maitheamhnus dot shearbfhoghan-
...h, a nuáir rachus mo mhaighistir go
... Rimmon do dhéanamh adhartha
...in, agus go luidhse sé ar mo láimh-
... agus go ccromthuidh misi me fein a
...h Rimmon: a nuair chromthas misi
... féin sios á ttigh Rimmon, go ttuga an
...hearna maitheamhnus dot shearbh-
...hantuigh annsa nise.
19 Agus a dubhairt seision ris, im-
...h a siothcháin: marsin dimthigh sé
...h beagán don tslighe,
20 Achd a dubhairt Gehasi, searbhsho-
...ntuigh Elisa oglaich Dé, féach do
...gil mo mhaighistir Náaman an Si-
...ch, nach ar ghlac sé as a láimh
... nise thug sé leis: achd mar mhair-
... an Tighearna, ríthfidh misi na
...igh,, agus beanfuidh mé ní éigin
...
21 Mar sin do lean Gehasi Náaman,
... a nuair do chonnairc Náaman ag
... é, tháinic sé a nuas as a charbad
... choinne, agus a dubhairt, an bfuil
... éinni go maith?
22 Agus a dubhairt seision, atáid go
...ch uile: do chuir mó mhaighistir
... dha radh, féuch tháinig chugam a-
... ó shliabh Ephraím días óganach do
...aibh ná bhfágh, guidhim thú, tabh-
...r dhóibh tallann airgid, agus dha ai-
...rrach culádhach.
23 Agus a dubhairt Náaman, bi sú-
...ach, beír leachd dhá thallann,
... do choimhéignigh sé é, agus do
...gail sé dhá thallann airgid an ndá
...h, agus dhá chulaidh éuduigh, agus
... chuir ar dhís dá mhuintir íad, agus
... iomchradár roimhe íad.
24 Agus a nuáir tháinic sé chum an
..., do ghlac sé as a lámhuibh íad, agus
... thaisgidh a ttigh áirigh íad: agus
... léig do na daóinibh imtheachd, agus
... imthigheadar.
25 Acht do chuaidh seision asteach,
... dó sheas a latháir a mhaighistir, a-
... a dubhairt Elisa ris, cáit as a ttái-
... tusa, a Ghehasi? agus a dubhairt
...ision, ní dheachaidh hóglach a néan
...all.
26 Agus a dubhairt seision, nach dea-
...idh mo chroidhesi leachd a nuáir do
... an tóglach a rís ó na charbad do
...ngmhail duit? An am airgid do ghla-
...dh so, agus éaduigh do ghlacadh, agus
...rdinigh ola, agus fineamhna, agus cáo-
...ch, agus damh, agus seirbhiseach fear,
agus ban?
27 Ar a nadhbharsin ceangoluidh
...bhra Náaman díotsa, agus dot shliochd
go brath: agus do chuaidh sé amach
as a fhiadhouise na lobhar coimhgheal
re sneachda.

CAIB. VI.

Na Siriamigh ag fóleammhuin Elisa, 19 Tug sé jad a lamhuibh Rí Israel; 30 Neach do jarr da els sin, Elisa chur chum báis.

AGus a dubhradar mic na bhfágh re
Helisa, féuch, annois atá an náit
iona ccomhnuighemid ad fhochair ro
chumhang aguinn.
2 Guidhmid thú, imthigheamuid go
Jordan, agus tabhradh gach áon aguinn
táobhan leis as sin, agús déanam áit
dhúinn féin ann sin iona mbiam ar
ccomhnuigh. Agus do fhreagair seision,
éirghidh romhuibh.
3 Agus a dubhairt aon díobh, guidhim
thú, bí aontadhach, agus tárr féin lé do
sheirbhíseachuibh: Agus do fheagair
seision, rachad.
4 Ann sin do chuáidh sé léo: agus a
nuair thangadar go Jordan do ghearra-
dar adhmad.
5 Acht mar do bhí duine aca ag lea-
gadh croinn, do thuit íarann na tuaidhe
ann sa nabhuinn: agus do éigh seision,
agus a dubhairt, uch, a mhaighistir, óir
air íasachd do tugadh í.
6 Agus a dubhairt óglach Dé ris,
cáit ar thuit sí? agus do thaisbéin sé a
náit dhó: agus do ghéarr seision maide,
agus do theilg ann é, agus do shnámh an
tiarann.
7 Uimesin ar seision, tóg súas chugad
é: Agus do chuir sé a lámh amach, agus
do thóg chuige é.
8 Ann sin do rinne Rígh na Siria
cogadh a naghaidh Israel, agus do rinne
sé comhairle re ná mhuintir, dhá rádh,
annsa náitsi agus annsa náitsi bhías mo
champa.
9 Agus do chuir óglach Dé fios chum
Rígh Israel, gha rádh, bí ar do choi-
mhéud gan gabháil ann a leitheid so
dáit: óir thangadar na Sirianuigh a nuas
annsin.
10 Agus do chuir Rígh Israel gus a náit
dinnis óglach Dé dhó, agus a ttug ra-
bhadh dho dá thaóibh, agus do dhidin
sé é fein air sin, ní éanúair no fá dhó.
11 Ar a nadhbharsin do bhí croidhe
Rígh na Siria ro bhúaidheartha fán nise:
agus do ghoir sé amach a mhuintir,
agus a dúbhairt riú, nach ttaisbéantaoi
dhamhsa cia aguinn atá ar son Rígh Is-
rael?
12 Agus a dubhairt óglach dá mhuin-
tir, ni bhfuil éanduine, a thighearna
mo Rígh: achd Elisa, an fáigh atá ann
Israel, innisèas do Rígh Israel na bria-
thra labhras tusa ann do sheómra leap-
tha.
13 Agus a dubhairt seision, imthi-
ghidh, agus braithigh cáit a bhfuil sé,
go ccuirinnsi dá thabhairt chugam:
agus do hinnseadh dhó, feúch, atá sé ann
Dótan.
14 Uimesin do chuir seision ann
sin eich agus carbuid, agus slúagh
mor:

mór : agus thangadar san noidhche tim-
chioll na caithreach fá gcúairt.
15 Agus an tan do éirigh searbhfho-
ghantuigh óglaich Dé, agus do chuáidh
amach, féuch, do bhí slúagh timchioll
na caithreach maille re heachuibh, agus
le carbaduibh ; agus a dubhairt a she-
arbhfhoghantuigh ris, mo thrúaighe, a
mhaighistir, cred dhéanam ?
16 Agus do fhreagair seision é, ná
biodh eagla ort ; óir an drong atá lin-
ne, is mó iad náid a bhfuil leósan.
17 Agus do ghuidh Elisa, agus a dubh-
airt, a Thighearna, guidhim thú, fos-
cuil a shúile, go bhfaicigh sé : agus dfos-
cuil an Tighearna súile an ogánuigh,
agus do chonnairc sé, agus feúch do bhí
an sliabh lán do eachuibh, agus do char-
baduibh tinntighe timchioll Elisa fá ccu-
áirt.
18 Agus a nuair thangadar a nuas
chuige, do ghuidh Elisa an Tighearna,
agus a dubhairt, guidhim thú búail an
mhuintirse le daille : agus do bhúail sé
iad lé daille, do réir fhocail Elisa.
19 Agus a dubhairt Elisa ríu, ní hí so
an tslighe, ni mó sí so an chathair : lea-
nuidh misi, agus béaruidh mé sibh go
nuige an duine iarthaoi : achd do threó-
ruigh sé go Samária iad.
20 Agus tárla an tan thangadar a
steach go Samária, go ndubhairt Elisa, a
Thighearna, foscuil súile na muintirese
go bhfaicfid siád : agus dfoscuil an Tigh-
earna a súile, agus do chonncadar, féuch,
go rabhadar a lár Shamária.
21 Agus a dubhairt Righ Israel ré
Elisa, a nuair do chonairc sé iad, a ath-
air, an mbúailfidh mé iad ? an mbúail-
fidh mé iad ?
22 Agus do fhreagair seision, agus a
dubhairt, ní bhuáilfidh tú iad : an mb-
úailfeá an luchd do ghabh tú na bpríosúna-
chaibh led chloidheamh agus led bho-
gha ? cuir arán agus uisge na bhfiágh-
nuise, chor go níosuid, agus go nibhid ní,
agus go ttéighid chum a maighistir féin.
23 Agus do ghléas sé biadh mór dhóibh,
agus a nuáir a duádar biadh, agus do
ibheadar deoch, do chuir sé ar siubhal
chum a maighistir iad : marsin ni than-
gadar buidhne Shíria ó sin amach go
tír Israel.
24 Agus tárla na dhiaigh so, gur chru-
innigh Ben-hadad Righ na Síria a shlu-
agh uile, agus go ndeachaidh súas, agus
gur shuighidh a shlúagh ag Samária.
25 Agus do bhí gorta mhór a Samá-
ria : agus féuch, do bhádar na bun nó
go reacthaoi ceann asuil ar cheithre
fithchid piosa airgid, agus an ceathra-
mhadh cuid do shrogaille coluim gun a
shalchar, ar chúig phiosa airgid.
26 Agus mar do bhí Rígh Israel ag
gabhail thort ar an mballa, do éigh bean
air, gha rádh, cabhair so, mo thighearna
a Rígh.
27 Agus a dubhairt seision, muna
bhfurtuigheann an Tighearna ort
fhéaduimsi furtachd ort ? ann a
an scioboil, nó as cantaóir an
28 Agus a dubhairt an Righ
cred do imthigh ort ? agus do
gair sisi, an bheansa a dubhairt
tabhairsi do mhac go nithiom
niugh, agus iosam mo mhacsa a
rach.
29 Marsin do bhruitheamar
mhacsa, agus a duámar é : agus a
bhairt misi ria ar na mhárach,
bhairse do mhac dhúinn go ith
agus dfoluigh sisi a mac féin.
30 Agus tárla a nuair do ch
an Rígh bríathra na mná, gur r
a éadach, agus do ghabh thort a
mballa, agus damhairc an pobal a
gus féuch do bhí saicéadach
stigh ar a chorp.
31 Ann sin a dubhairt sé, go
na Día marsin riomsa, agus
fós, má sheasann ceann Elisa
Saphat air a nuigh.
32 Acht do bhí Elisa na
iona thigh, agus na sinnsir na
na fhochair, agus do chuir an
duine uadh dhá raibh ag
air : ach suil tháinig an
chuige, a dubhairt sé ris na
féuchuidhsi mar do chuir mac
mharbhthóra duine do bhuain
díomsa ? tabhruigh dá bhur
nuair thiocfas an teachdaire,
an dorus, agus congmhuidh go
gion é ag an ndorus; nach bhfuil
cos a mhaighistir na dhiáigh ?
33 Agus an fad do bhí sé
comhrádh ríu, féuch, tháinic an
aire a nuas chuige : agus dubhairt
sion, Féuch is ón Tighearna
tolcsa, cred fá mbéinnsi ag feith
an TTighearna ni as faide ?

CAIB. VII.

Do fhuaduigh Dia na Sirianuigh ó Sh
6 Lé torann shloigh ó néamh.

AN sin a dubhairt Elisa, éistighsi
thra an Tighearna, mar so a de
Tighearna, A márach timchioll na
reacfuighear miosúr do phlúr shíne
Shecel, agus dhá mhiosúr eórna ar
a ngeata Shamária.
2 Ann sin, tighearna ar léig a
a cheann air a láimh, do fhreagair
dóglach Dé, agus a dubhairt,
ndéarnadh an Tighearna fuinneóga
fhlaitheamhnus, nar bhféidir
bheith mar so ? agus a dubhairt
féuch do chífidh tusa led shúilibh,
ní iosa tú éinní dhe.
3 Agus do bhádar ceathrar
éinibh lubhraigh ag dul a steach
gheata : agus a dubhradar gach
re chéile, cred fá suighmid
bhfagham bás ?

4 Má deirmid, racham a ſteach don
chathruigh, atá an ghorta ſan ccathruigh,
agus do gheabham bás annſin : agus má
fanmid annſo a ccomhnuigh, do
gheabham bás mar an gcéadna. Anois
ar a nadhbharſin déanam, agus teithiom
go ſlógh na Siriánach ; má chumhduighid
ſinn, biam béo : agus má mhar-
bhaid ſinn, ní bhfuighiom achd bás.
5 Agus do éirgheadar ſuas go moch-
thráth, do dhul a bhfoſlungphort na
Sirianach : agus a nuair thangadár gus
an cuid dob ſhaide amach do champa
na Sirianach, féuch ní raibh éanduine
ann ſin.
6 Oir thug an Tighearna ar ſhlúagh
na Sirianach, torann mór carbad agus
torann marcſhluagh do chluinſean, ea-
dhon torann ſlóigh mhóir : agus a du-
bhradar gach áon ré chéile, féuch dfoſ-
tuigh righ Iſrael righthe na Hititeach ar
thuaraſdal, agus righthe na Négipteach
do theachd oruinn.
7 Ar a nadhbharſin do éirgheadar,
agus do theithiodar a mocha laói, agus
dfágbhadar a loiſtinigh, agus a neich,
agus a naſſuil, eadhon an campa mar
do bhí ſé, agus do theithiodar ar ſon a
nanma.
8 Agus á nuair thangadar na lo-
bhair ſi don chuid amuigh don champa,
do chuadar go héanphaillíun, agus a dúa-
radar, agus do ibheadar ni ann, agus ru-
gadar as ſin ór, agus airgiod, agus
éadaigh, agus do imthigheadar, agus do
fholchadar ſin : agus thangadar a rís,
agus do chuádar a ſteach a bpáilliún
eile, agus rugadar leó as ſin mar an
gcéadna, agus dimthighedar, agus dfol-
chadar é.
9 Ann ſin a dubhairt gach áon ré
chéile dhíobh, Ni maith do nimid : is lá
deaghſcéul an lá a niugh, agus atámaoidne
ar ttoſt : má fhanmaoid go ſolus na
maidne, ann ſin tiucfaidh olc éigin o-
ruinn : annois ar a nadhbharſin déunam,
agus innſiom do mhuintir an righ.
10 Mar ſin thangadar, agus do ghoi-
readar ar dhoirſeóir na caithreach,
agus do innisiodar dhóibh, dha rádh,
Thangamairne go campa na Siriannach,
agus féuch ní raibh duine annſin, nó guth
duine, achd eich cheangailte, agus aſ-
ſuil cheangailte, agus na cábáin mar do
bhádar.
11 Agus do ghoir ſeiſion na doirſeói-
righ oile, agus dinnſeadar ſin a ſtigh a
ttigh an righ.
12 Agus deirigh an righ ann ſa noi-
dhche, agus a dubhairt re na ſhearbhfho-
ghantuibh, Taiſbeanſuidh mé dhíbh
anois cred do rinneadar na Sirianuigh
oruinn : ata a fhios aca go bhfuil ocras
oruinne, uime ſin do chúadar amach as
an ccampa da bhfolach féin annſa ma-
chaire, dha rádh, a núair thiocfuid ſiad
amach as a ccathruigh, béurumné orra
beó, agus rachum a ſteach ſan ccathruig .

13 Agus do fhreagair duine da mhuin-
tir é, agus a dubhairt, guidhim thú,
glacadh cuid éigin cúig do na heachaibh
mhairios annſa ccathruigh (féuch ataid
ſiad mar uile ſhlúagh Iſrael do fág-
bhadh beó innte, féuch, a deirim, ataid
ſiad mar iomadamhlachd na Niſraeli-
teach uile noch do fúair bás) agus cui-
ream amach agus feucham.
14 Do ghlacadar ar a nadhbharſin
cuingir deachaibh carbuid, agus do chuir
an righ a ndiáigh na Sirianach iad, gha
rádh, éirghidh, agus féuchaidh.
15 Agus do chúadar na ndiaigh go
Iordan, agus féuch do bhi an tſlighe
lán déuduighibh, agus do ſhoithidhibh,
noch do theilgeadar na Sirianuigh uatha
iona ndeithnios : agus dfilleadar na
teachda, agus dinniſiodar ſin don
righ.
16 Agus do chuáidh an pobal amach,
agus do airgeadar loiſtinigh na Siria-
nach, iondus gur reacadh mioſúr do
phlúr fhinéalta ar Shecel, agus dhá
mhioſúr eórna air Shecel, do reir bhréi-
thre an Tighearna.
17 Agus do órduigh an righ don ti-
ghearna a léigeadh ſé a throm air a
laimh, cúram an gheata do bheith air :
agus do ſhaltradar an pobal air annſa
gheata, agus deúg ſé, mar a dubhairt
óglach Dé, noch do labhair ſé a nuáir
thainic an righ ſíos chuige.
18 Agus tarla mar do labhair óg-
lach Dé ris an righ, gha rádh, Biáidh
dhá mhioſúr eórna ar Shecel, agus
mioſúr do phlúr fhinealta ar Shecel,
timchioll an namaſo a márach an
geata Shámaria :
19 Agus do fhreagair an tighearna úd
óglach Dé, agus a dubhairt, féuch, dá
ndéarnadh an tighearna fuinneóga ar
fhlaitheamhnus, nar bhféidir a leitheid
ſin do bheith ? agus a dubhairt ſeiſion,
féuch, do chiſe tuſa led ſhuilibh é, gi-
dheadh ní ioſa tú dhé.
20 Agus is marſin deirigh dhó : óir
do ſhaltradar an pobal air annſa gheata,
agus fuair ſé bás.

CHAP. VIII.

*Do thairrghir Eliſa ar ghorta ſheachd bli-
adhna.* 10 *Ar bhás Bhenhadad.* 13 *& ar
Haſael do bheith na Rí.*

ANſin do labhair Eliſa ris an mnáoi at
aithbheoghuidh ſé a mac, ghá rádh,
éirigh, & imthigh thuſa & muintir do thighe,
agus déana cuáirt gidh bé áit a bhféudſa
tú comhnuidhe : óir do ghoir an Tighear-
na air ghorta, agus tiucfaidh ſí mar an
gcéadna ar an ttír ſeachd mbliadhna.
2 Agus déirigh an bhean, agus do
rinne do réir bhréithre óglaich Dé, a-
gus dimthigh ſí maille re muintir a
tighe, agus do rinne ſí comhnuidhe a
ccrich na Bhphiliſtíneach ſeachd mbli-
adhna.

3 Agus tárla a ccionn na seachd mblí-
adhan gur fhill an bhean as crích na
Bhphilistíneach: agus do chuáidh a-
mach do ghairm air an Rígh fá na tigh,
agus fá na fearann.
4 Agus do comhráidh an Rígh ré Ge-
hasi searbhfhoghantuigh óglaich Dé, gha
radh, guidhim thú, innis damh na huile
neithe móra dá ndéarna Elisa.
5 Agus tárla mar do bhí sé dá innsin
don Rígh mar do aithbheoghuigh sé duine
marbh, féuch gur éigh an bhean, ar ai-
thbheoghuidh sé a mac, ar an Rígh ar
son a tighe, agus a fearuinn. Agus a
dubhairt Gehasi, ó mo thighearna a Rígh
sí so an bhean, agus sé so a mac ar
aithbheoghuidh Elisa é.
6 Agus a nuáir dfiafruigh an Rígh
don mhnaói, do innis sí dhó. Marsin
dórduigh an Rígh oifigeach áirigh dhí,
gha rádh, aisig gach ar bhuáin léith, &
toradh a fearuinn uile ón ló fá ar fhág
sí an fearann gus a nois.
7 Agus tháinic Elisa go Damascus, &
do bhí Ben-hadad Rígh na Siria tinn,
agus do hinnseadh dhó, dhá rádh, thái-
nic óglach De annso.
8 Agus a dubhairt an Rígh ré Hasael,
glac tiodhlacadh ad láimh, agus imthigh
a ccoinne óglaich Dé, agus fiafruigh don
Tighearna maille leis, gha rádh, an
néireochuidh misi as an ttinneas so?
9 Marsin do chuáidh Hasael na cho-
inne, agus tiodhlacadh leis, eadhon do
gach uile ní maith dá raibh an Damas-
cus, úalach dha fhithchiod cámhall, a-
gus tháinic sé, & do sheas da lathair, &
a dubhairt, do chuir do mhac Ben-
hadad Rígh na Siria misi go nuige thú,
gha rádh, an ttiucfa mé ón ttinneas so?
10 Agus a dúbhairt Elisa ris, éirigh,
abair ris, is féidir leachd go deimhin
teachd as: gidheadh do thaisbéin an Ti-
ghearna dhamhsa go bhfuighe sé bás ar
gach éanchor.
11 Agus giodh gur shocraidh se
a ghnúis go tromdha, agus gur chonn-
uimh leis a bhfad, fá dheoigh do ghuil
óglach Dé.
12 Agus a dubhairt Hasael, cred fa
nguilionn mo thighearna? agus do fhrea-
gair seision, do bhrigh go bhfuil a fhios
agum an tolc do dhéanas tusa do chloinn
Israel: cuirfidh tú a ndaingneacha lá-
idre tre theine, agus cuirfidh tú a ndaoine
óga leis an gcloidheamh, agus sgriosfuidh
tú a cclann, & scoiltfidh tú a mná torrcha.
13 Agus a dubhairt Hasael, achd cred
an madradh do shearbhfhoghantuigh ás
a ndéanadh sé an ní mórsa? agus do
fhreagair Elisa é, do thaisbéin an Tigh-
earna dhamhsa go mbia tusa ad Rígh
ós cionn na Siria.
14 Marsin dimthigh sé ó Elisa, agus
tháinic sé go nuige a mhaighistir, noch
a dubhairt ris, cred a dubhairt Eli-
sa riot? agus do fhreagair seision,
dinnis sé dhamh go ttiucfasa as go dei-
mhin.
15 Agus tárla ar na mhárach gur ghlac
sé éadach reamhar, agus gur thum a
uisge é, agus gur leathnuigh ar a aghaidh
é, iondus gur éug sé: agus do rioghadh
Hasael na áit.
16 Agus annsa ccúigeadh bliadhain do
Jóram mhac Ahab Rígh Israel, a
mbeith do Jehosaphat an tansin
Rígh Júdah, do thosuigh Jehoram mhac
Jehosaphat Rígh Judah a rioghachd.
17 Dhá bhliadhain agus tríochad
bhí sé daóis a nuáir do thosuigh sé rioghadh,
agus do bhí na Rígh ochd mbliadhna
ann Jerusalem.
18 Agus do shiubhail sé a slighe
Righthe Israel mar do rinne tigh A-
hab; óir do bí inghean Ahab a bhean,
agus do rinne sé olc a radharc an Ti-
ghearna.
19 Gidheadh níor bháill leis an Ti-
ghearna Júdah do scrios, a nadhbhar
shearbhfhoghantuigh Dáibhi, mar do
gheáll sé go ttiubhradh solus dó a ccomh-
nuighe, agus dá chloinn.
20 Jona laéthibhsion do chuáidh Edom
ó bheith faoi láimh Júdah, agus do
rinneadar Rígh orra féin.
21 Marsin do chuáidh Jóram anunn go
Sair, agus na carbuid uile leis, agus
déirigh sé san noidhche, agus do bhuail
na Hedomitigh, noch tháinic timchioll
air, agus do theitheadar cein-
nigh na ccarbad, agus an pobal dá
bpailliúnuibh.
22 Gidheadh dimthigh Edom ó bheith
faoi láimh Júdah gus a nuigh: ann sin
dfill Libnah uatha a nuáir chéadna.
23 Agus an chuid oile do ghníomharthaibh
Jóram, agus a nuile ní dá ndéarna sé,
nach bhfuilid scríobhtha a leabhar cro-
nice Ríogh Júdah?
24 Agus do chodail Jóram agá aithribh,
agus do hadhlaiceadh é a bhfochair a
aithreadh a gcathruigh Dháibhí, agus do
ríoghadh Ahasiah a mhac na áit.
25 Annsa dára bliadhuin déug do Jó-
ram mhac Ahab Rígh Israel do tho-
suigh Ahasiah mhac Jehóram Rígh Júdah
ríaghladh.
26 Dhá bhliadhuin agus fithche daois
do bhí Ahasiah a nuair do thosuigh sé
righe, agus do bhí na Rígh aon bliadh-
uin amháin ann Jerusalem: agus dob é
ainm a mhathar Ataliah inghean Omri
Rígh Israel.
27 Agus do shiubhail sé a slighe thighe
Ahab, agus do rinne se olc a radharc
an Tighearna, mar do rinne tigh Ahab:
óir fa cliamhuin do thigh Ahab é.
28 Agus do chuáidh sé le Jóram mhac
Ahab chum cogáidh a naghaidh Hasael
Rígh na Síria a Ramot-gilead, agus do
loiteadar na Síriannaigh Jóram.
29 Agus do chuáidh an Rígh Jóram
ar ais go Iesreel dá leighios ó na
cneadhuibh thugadar na Sírianaigh air a
Rámot a nuair do throid sé a naghaidh
Hasael

Hasael Righ na Siria: agus do chúaidh
Ahasiah mhac Jóram Righ Judah sios
dfeachuin Jóram mhic Ahab go Jesreel,
do bhrigh go raibh sé tinn.

CAIB. IX.

An Jehu na sciúirsa ar Ahab, ar son a mhíodhlighachd.

AGus do ghoir Elisa an faigh air aon
do chloinn na bhfaigh, agus a
dubhairt sé ris, criosluigh súas do cháol,
agus glac an boxa olasa ann do láimh,
agus imthigh go Rámot-gilead.
2 Agus a nuair thiucfas tú annsin, iarr
Jehu mhac Jehosaphat, mhic Nimsi ann-
sin, agus imthigh a steach, agus ta-
bhair air éirghe ó bheith a measc a
dhearbhraithreach, agus beir leachd go
seomra a bhfad a steach é.
3 Annsin glac an boxa ola, agus
doirt ar a cheann é, agus abair ris,
is marso a deir an Tighearna, Do un-
gaidh mé thú ad Righ ós cionn Israel:
annsin foscuil an dorus, agus teith, &
ná déan comhnuighe ann.
4 Marsin do chuáidh an tóganach
sin, eadhon an tóganach an faidh, go
Rámot-gilead.
5 Agus a nuáir tháinic sé, féuch do
bhádar caiptínigh an tslóigh na suidhe,
agus a dubhairt seision, atá teachdair-
eachd agum chugad a chaiptín. Agus a
dubhairt Jehu, cia aguinn dinn uile? a-
gus a dubhairt seision, atá chugadsa,
a chaiptín.
6 Agus déirigh seision, agus do chu-
áidh don tigh, agus do dhóirt sé a
ola ar a cheann, agus a dubhairt ris, is
marso déir an Tighearna Dia Israel,
do úng mé thú ad Righ ós cionn phobuil
an Tighearna, eadhon ós cionn Israel.
7 Agus búailfidh tú tigh Ahab do
mhaighistir, ar chor go ndioghola misi
fuil mo sherbhíseach na bhfaigh, agus fuil
sherbhíseach an Tighearna uile as láimh
Jesebel.
8 Oir scriosfuighthear tigh Ahab uile,
agus gearrfa mé ó Ahab an té mhúnas
a naghaidh an bhalla, agus an té
dhruidthear súas, agus atá ar fágbháil ann
Israel.
9 Agus do dhéana mé tigh Ahab cos-
mhuil re tigh Jeroboam mhic Nebat,
agus cosmhuil re tigh Bhaasah mhic
Ahijah.
10 Agus íosuid na madruidh Jésebel a
bhfuirsion Jezreel, agus ni bhiáidh áon-
duine adhlacas í: & dfoscuil sé an dorus,
agus do theith sé.
11 Ann sin tháinic Jehu amach chum
serbhíseach a thighearna, agus a dubhairt
duine ris, an bhfuil gach éinní go maith,
Cred fá ttáinic an fear buile so chugad?
agus á dubhairt sé ríu, atá fios an duinesi
agus a chombráidh aguibhsi.
12 Agus a dubhradarsan, as bréagach
sin, innis dúinn anois: agus a dubhairt
seision, marso agus marso do labhair sé
riomsa, gha rádh, is marso a deir an
Tighearna, do ung mé thú ad Righ ós
cionn Israel.
13 Ann sin do dheithfrigheadarsan,
& do ghlac gach aon a éadach, agus do
chuireadar faói é ar uachdar an staighre,
& do shéideadar ré stocaibh, gha rádh,
Sé Jehu an Righ.
14 Marsin do chuáidh Jehu mhac Je-
hosaphat mhic Nimsi a naghaidh Jóram:
(annois do choimhéad Jóram Ramot-
gilead, é féin & Israel uile, ar eagla
Hasael Righ na Siria.
15 Acht dfill an Righ Jóram dá lei-
ghios go Jesreel, ó na cneadhaibh thu-
gadar na Sirianuigh dhó, a nuair do
throid sé ré Hasael Righ na Siria.) Agus
a dubhairt Jehu, mas é so is inntinn
daóibh, annsin ná himthigheadh éan-
duine, agus na leigidh éanduine do dhul
amach as an gcathraigh, do rachadh da
innisin ann Jesreel.
16 Marsin dimthigh Jehu a ccarbad,
agus do chuáidh go Jesreel: (óir is ann
sin do bhí Jóram na luidhe) & tháinic
Ahasiah Righ Júdah a nuas dféachuin
Jóram.
17 Agus do sheas fear faire ar thor
ann Jesréel, agus do chonnairc sé cui-
deachda Jehu ag teachd, agus a du-
bhairt, Do chím cuideachda: agus a du-
bhairt Jóram, fagh marcach, agus éir-
geadh na ccoinne, agus abradh, An
siothcháin í?
18 Mar sin do chuáidh duine ar each
do theagmháil ris, agus a dubhairt sé,
is mar so a deir an Righ, An siothcháin
í? agus a dubhairt Jehu, cred atá uaitse
ar shiothcháin? tárr táobh shiar dhiom.
Agus dinnis fear na faire, dha rádh,
do chuáidh an teachdaire go nuige iad,
acht ni bhfuil sé ag teachd a ris.
19 Ann sin do chuir sé an dara duine
amach ar each, noch tháinic chugthasan,
agus a dubhairt, is marso a deir an
Righ, an siothcháin í? agus do fhrea-
gair Jehu, cred atá uáitsi ar siothcháin?
tárr táobh shiar dhiom.
20 Agus dinnis fear na faire, gha
rádh, tháinic sé go nuige iad, agus ni
bhfuil sé ag teachd a ris, & is cosmhuil
an tarruingso lé tarruing Jehu mhic
Nimsi: oir tairrngidh sé go dá-
sachdach.
21 Agus a dubhairt Jóram, bithi réidh;
agus do hinnleadh a charbad dho. Agus
do chuáidh Jóram Righ Israel, agus
Ahasiah Righ Júdah amach, gach áon
ann a charbad, agus do chuadar a-
mach a naghaidh Jehu, agus tárla ris
iad a bhfearann Nábot an Tiesre-
liteach.
22 Agus tárla a nuáir do chonn-
airc Jóram Jehu, go ndubhairt sé, An
siothcháin, a Jehu? agus do fhreagair
seision, cred í an tsiothcháin, an fad
bhías striopachus do mhatharsa Jese-
bel,

bel, agus a piſéoga coimhlíonmhar
ſin ?
23 Agus do iompóigh Jóram a lámh,
agus do theith ſé, agus a dubhairt ré A-
haſiah, atá ſeall ann, ó Ahaſiah.
24 Agus do tharruing Jehu bogha le
na neart iomlán, agus do bhúail ſé Jehó-
ram idir a righibh, agus do chuáidh án
ſoighead amach agá chroidhe, agus do
thuit ſé ſios iona charbad.
25 Ann ſin a dubhairt Jehu re Bidcar
a chaiptín, tóg ſuas agus teilg é a bpoir-
ſion ſhearuinn Nábot an Tieſreeliteach:
óir cuimhnigh a nuair do bhi miſi agus
tuſa ag marcuigheachd a bhfochair a
chéile a ndiaigh Ahab a athar, gur leag
an Tighearna an túalachſa air.
26 Go deimhin do chonnairc mé a né
fuil Nábot, agus fuil a mhac, ar ſa an Ti-
ghearna, agus cúiteochuidh mé riotſa
annſa naitſi, ar ſa an Tighearna. Annois
ar a nadhbharſin tóg, agus teilg é annſa
ghárrdha, do réir bhréithre an Tigh-
earna.
27 Achd an tan do chonnairc Ahaſiah
Righ Júdah ſin, do theith ſé a ſlighe an
ghairdín, agus do lean Jehu é na dhi-
áigh, agus a dubhairt, buáilidh eiſion mar
an gcéadna annſa charbad: agus do rin-
neadar ſin ag árd Gur, noch atá láimh
ré Ibleam: agus do theith ſé go Me-
giddo, agus fuair ſé bás annſin.
28 Agus rugadar a ſhearbhſhoghan-
tuighe leó a ccarbad é go Hieruſalem, &
do hadhlaiceadh iona thúama é a bhfo-
chair a aithreadh a ccathruigh Dháibhí.
29 Agus annſa naónmhadh blia-
dhuin déug do Jóram mhac Ahab do
thóſuigh Ahaſiah a rioghachd ós cionn
Júdah.
30 Agus a núair tháinic Jehu go
Hieſreel, do chúala Jeſebel é, agus do
dhealbh ſí a haghaidh, agus do dheagh-
mhaiſigh a ceann, agus dféuch ſí amach
a bhfuinneóig.
31 Agus ar tteachd do Jehu a ſteach
ſan ngeata, a dubhairt ſí, An bhfúair
Simri ſiothcháin, noch do mharbh a
mhaighiſtir ?
32 Ann ſin do thóg ſeiſion a aghaidh
ſuas chum na fuinneóige, agus a dubh-
airt, Cía atá dom tháobhſa, cia hé ? &
dféuchadar annſin amach air, dias nó
triúr do na cúirtéiribh.
33 Agus a dubhairt ſeiſion, teilgidh
a nuas í: annſin do theilgeadar ſíos í,
& do ſpréigh cuid dá fuil ar an mballa,
águs ar na heachaibh; agus do ſhal-
tair ſé ſaoi na choſaibh í.
34 Agus an tan thainic ſé a ſdeach
dúaigh ſé biadh, agus dibh ſé deoch, &
a dubhairt, éirghidhe, féuchuidh anois
an bhean mhalluighſe, agus adhluicidh
í; óir is inghean Righ í.
35 Agus do chuádar dá hadhlacadh,
achd ni bhfúaradar níos mó dhi ná an
chloigionn, agus na coſa, agus cláir a
dearnann.
36 Uime ſin thangadar a ris, agus
dinnſiodar dhó: & a dubhairt ſeiſion,
ſé ſo briathar an Tighearna, noch do
labhair ſé tre na ſhearbhſhoghantuigh E-
lias an Tiſbiteach, gha rádh, A bpoir-
ſiún Jeſreel íoſuid na madruigh feóil
Jeſebel.
37 Agus biáidh conablach Jeſebel
mhuil áoileach ar aghaidh na talmhan,
a ngárdha Jeſreel, iondus nach abé-
ruid ſiád, Si ſo Jeſebel.

C A I B. X.

Tòruigheachd Jehu umorro ar thigh Ahab.
29 Ach gur lean ſe fein fós peacadh Je-
roboam.

AGus do bhí ag Ahab ſeachdmho-
ghad mac a Samária, agus do ſcrí-
obh Jehu litreacha, agus do chuir go Sa-
mária go húachdaranuibh Jeſreell, gus na
ſinnſioruibh agus gus an muintir thug
ſúas clann Ahab, gha rádh,
2 Anois mar is lúaithe thiucfas an li-
tirſi chugaíbh, ó tharla clann bhur mai-
ghiſtir bhur bhfochair, agus go bhfuil
aguibh carbuid, agus marcſhluagh, ca-
thair dhaingſion fós, águs arm:
3 Féuchuidh amach an mac is fearr
& is iomchubhaidh do chloinn bhur
maighiſtir, & cuirigh a ccathaoir ri-
gha a athar é, & troidigh ar ſon tighe
bhur maighiſtir.
4 Achd do bhádarſan lán deagla, agus
a dubhradar, féuch, níor ſheaſadar
dhá Rígh ad aghaidh; cionnus marſin
ſheasfuimne ?
5 Agus an té do bhí ós cionn an ti-
ghe, agus an té do bhí ós cionn na
caithreach, na ſinnſir mar an gcéadna, &
altranna na cloinne, do chuireadar te-
chda go Jehu, gha rádh, is ſinne do
ſhearbhſhoghantuighidhſe, agus do dhé-
nam gach ní déaras tú rinn; ní dhé-
nam Rígh ar bith, deánaſa ann ní is
féarr do chítear dhuit.
6 Ann ſin do ſcríobh ſé litir an dara
huáir chuca, dhá rádh, mas liomſa ſibh,
& má éiſtighe rem ghuth, glacaidh cinn
mhac bhur maighiſtir, agus tigidh chu-
gamſa go Jeſreel fa namſa márach:
anois mic an Rígh bá ſeachdmhoghad
iad, & do bhádar ag dáoinibh móra na
caithreach, noch thug ſúas iad.
7 Agus tárla a nuair rugadh an litir
chucaſan, gur ghabhadar clann an
Rígh, agus gur mharbhadar deithneamh-
ar agus tri fithchid fear, agus do chui-
readar a ccinn a ccliabhuibh, agus do
chuireadar chuigeſion go Jeſreel iad.
8 Agus tháinic teachdaire chuige, &
dinnis dó, ghá rádh, thugadar leó cinn
mhac an Rígh: & a dubhairt ſeiſion,
cuirigh an ndá chárnan iad a ndoras
ſteach an gheata go tti maidin.
9 Agus tárla ar maidin, go ndea-
chaidh ſé amach, agus gur ſheas ſé,
agus go ndubhairt ris an bpobal uile,
atáthaoi

mhacaoiſi ionnuic, féuchuidh do rinne
miſi feall ar mo thighearna, agus do
mharbh mé é: achd cia mharbh iad ſo
uile!

10 Biodh a fhíos aguibh a nois nach
rachaidh éinní fá lár do bhreithir an
Tighearna, noch do labhair an Tighear-
na a ttáoibh thighe Ahab: óir do
rinne an Tighearna án ni do labhair ſé
lé na ſhearſoghantuigh Eli:us.

11 Marſin do mharbh Jehu án mhéid
do mhair do thigh Ahab an Jeſreel, &
a dhaóine móra uile, agus a luchd gáoil
uile, agus a ſhagairt, go nar fhág ſé
éan díobh na bheathuigh aige.

12 Agus déirigh ſé agus do ghluais,
agus tháinic go Samária. Agus mar do
bhí ſe ag tigh lomartha cáorach ar a
tſlighe,

13 Tárla Jéhu ré dearbhráithribh A-
haſiah Rígh Júdah, agus a dubhairt, cía
ſibhſi! agus do fhreagradarſan, atáma-
oidne dearbhraithre Ahaſiah, agus atá-
maoid ag dul ſíos do chur fáilte roimhe
chloinne na bainríoghna.

14 Agus a dubhairt ſeiſion, glacuidh
beó iad: agus do ghlacadar beó iad,
agus do mharbhadar iád ag log thighe
na lomartha, días agus dá fhithchiod
fear: níor fhág ſé duine dhíobh.

15 Agus a núair do imthigh ſé as ſin,
tárla ris Jehonadab mhac Rechab ag
techd na choinne, agus do bheannuigh ſé
dhó, agus a dubhairt ris, an bhfuil do
chroidheſe díreach mar tá mo chro-
idheſi red chroidheſe! agus do fhreagair
Jehonadab, ata. Má tá, tabhair dhamhſa
do lámh: agus thug ſé a lámh dhó, a-
gus do ghlac ſé ſúas chuige ann ſa ccar-
bad é.

16 Agus a dubhairt ris, Tarr liomſa,
agus féuch mo theaſghrádh ar ſon an
Tighearna: marſin thugadar air mar-
cuigheachd iona charbad.

17 Agus an tan tháinic ſé go Samaria,
do mharbh ſe ar mhair le Ahab ann
Samária, nó gur ſgrios ſé é, do reír bhréi-
thre an Tighearna, noch do labhair ſé
re Helias.

18 Agus do chruinnigh Jehu an
pobal uile a gcionn a chéile, agus a du-
bhairt riú, do rinne Ahab ſerbhís
bheag do Bhaal, achd do dhéana Jéhu
ſerbhís mhór dho.

19 Annois ar a nadhbharſin goíridh
chugam faighe Bhaal uile, a ſherbhí-
ſigh uile, agus a ſhagairt uile, ná teaſhui-
gheadh éandúine dhiobh: óir áta íodh-
bhairt mhór agamſa ré a dhéanamh do
Bhaal: gidh bé fhanſus a muigh, ní
mairfidh ſé. Achd do rinne Jehu ſo
mar ghliocus, ionnus go ſgrioſſadh ſé
luchd adhartha Bhaal.

20 Agus a dubhairt Jehu, fúagruighe
tionachdus ſollamanta do Bhaal. Agus
dfúagradarſan é.

21 Agus dó chuir Jehu fios ar feadh
Iſrael uile, agus thangadar luchd
adharta Bhaal uile, iondus nár fágbhadh
duine nach ttáinic: agus thangadar go
tigh Bhaal: agus do bhí tigh Bhaal lion-
ta ó chionn go chéile.

22 Agus a dubhairt ſeiſion ris an té
do bhí ós cionn ſhéomra na cculadh,
tabhair amach culadhacha do luchd
adhartha Bhaal uile: agus thug ſé cula-
dhacha amach chuca.

23 Agus do chuaidh Jehu, agus Jeho-
nadab mhac Rechab go tigh Bhaal, a-
gus a dubhairt ſé re luchd adharta
Bhaal, Spíonuidh agus féuchuidh nach
biadh aguibh annſo éanduine do mhuin-
tir an Tighearna, achd luchd adhartha
Bhaal amháin.

24 Agus a nuáir do chúadar a ſteach
dofráil iodhbhartha, agus ofrála loiſge,
dórduigh Jehu ceithre fithchid fear am-
uigh, agus a dubhairt, Má léigthí éan-
duine as, dá ttug mé ann bhur lámhuibh,
rachaidh anum an té léigſios uadh é, ar
ſon a anma.

25 Agus tárla an tan do chríochnuigh
ſé a nofráil loiſge dofráil, go ndubhairt
Jehu ris an ngárda, agus ris na caip-
tínibh, imthighidh, agus marbhuidh íad
na léigidh éanduine as, agus do bhuáil-
eadarſan iad lé ſiobhar an chloidhimh,
agus do theilg an gárda, agus na caip-
tínigh amach iad, agus do chuadar go
cathruigh thighe Bhaal.

26 Agus thugadar amach íomháighe
Bhaal, agus do loiſgeadar iad.

27 Agus do bhriſiodar ſíos íomháighe
Bhaal, agus do bhriſeadar ſíos tigh Bha-
al, agus do rinneadar campa dhe gus
a niugh.

28 Marſo do ſcrios Jehu, Baal amach
as Iſrael.

29 Acht cheana níor dhealuigh Jehu
ré peacadhuibh Jeroboam mhic Nebat,
noch thug ar Iſrael peacughadh; níor
fhill Jehu ón láogh órdha do bhí a
Mbetel, agus do bhí ann Dan.

30 Agus a dubhairt an Tighearna re
Jehu, do bhrígh go ndéarna tu go
maith a ccríochnughadh an neitheſi
is ceart ann mo radharcſa, agus go
ndéarna tú ré tigh Ahab do réir a
raibh ann mo chroidhe, ſuighfid do
chlann don cheathramhadh glún a
ccathaóir ríogha Iſrael.

31 Acht níor chuir Jehu beann ar
ſhiubhal a ndlígheadh an Tighearna Dia
Iſrael maille re na uile chroidhe:
óir níor dhealuigh ſé ré peacuidhuibh Je-
roboam, noch thug ar Iſrael peacu-
ghadh.

32 Annſna láethibhſin do thionnſguin
an Tighearna Iſrael do ghearrughadh:
agus do bhuáil Haſael iad ann gach uile
chóſta Diſrael;

33 O Jordan don táobh ſhoir fearann
Gilead uile, na Gaditigh, agus na Reu-
binitigh, agus na Manaſſitigh, ó Aroér
(nóch atá ag abhuinn Arnon) eadhon
Gilead, agus Báſan.

34 Anois an chuid oile do ghníomh-
aibh Jehu, agus a ndéarna sé, agus a
neart uile, nach bhfuilid siad scríobhtha
a leabhar croinice Ríogh Israel?
35 Agus do choduil Jehu a bhfo-
chair a aithreadh, agus do hadhlaiceadh
a Samária é, agus do ríoghadh Jehoa-
has a mhac iona áit.
36 Agus do bá ochd mbliadhna fith-
chiod a naimsir do bhí Iehu na Rígh
air Israel a Samária.

CAIB. XI.

Foirrneart. 13 *&* *bás Ataliah.* 17 *Do aisigeadh an tsíol ríogha, agus an glan-chrábhadh.*

AGus an tan do chonnairc Ataliah
mathair Ahasiah go raibh a mac
marbh, déirigh sí, agus do mharbh sí
an síol ríogha uile.
2 Achd Jehoseba inghean an Rígh Io-
ram, deirbhshiur Ahasiah, do ghlac sí
Ioas mhac Ahasiah, & do ghad é as lár
na mac Ríogh do marbhadh, & dfolcha-
dar é féin agus a bhanaltra annsa tseom-
ra chodalta ó Ataliah, a ccruth nar
marbhadh é.
3 Agus do bhí sé aice a bhfolach a
ttigh an Tighearna sé bliadhna: agus
do bhí Ataliah na Bainríoghain ós
cionn na tíre.
4 Agus do chuir Iehoiada teachda
uadh an seachdmhadh bliadhuin, agus
thug leis na húachdaráin ós cionn na
ccéud, & na caiptinigh & an gárda,
agus thug chuigesion iad go tigh an
Tighearna, agus do rinne cunnradh ríu,
agus do bhean mionna dhíobh a ttigh
an Tighearna, agus do thaisbéin mac
an Rígh dhóibh.
5 Agus daithin sé dhíobh, gha rádh,
Sé so an ní do dhéantaoi; biaidh an
treas cuid aguibh rachus a steach annsa
tsábóid ag coimhéud faire ag tigh an
Tighearna.
6 Agus biaidh trían oile ag geata
Sur, agus trían ag an ngeata taóibh
shiar don ghárda: mar sin choimhéud-
fuidhe faire thighe an Tighearna, go
nach bristear síos é.
7 Agus dá chuid dhíbhse uile, noch
rachus amach annsa tsábóid, coimhéud-
fuidsion faire thighe an Tighearna gacha
taobha don Rígh.
8 Agus beithí timchioll an Rígh
fa ccuairt gach uile dhuine gun a arm
iona láimh: & gidh bé ar bith thiocfas
a measc na ccoirigh a steach, marbhthar
é; & bithise a bhfochair an Rígh mar
rachus sé amach, & mar thiucfas sé
a steach.
9 Agus do rinneadar na caipti-
nigh ós cionn na ccéud gach éinni dar
aithin Jehoiada an sagart dìobh, agus
rug gach éanduine dá raibh ag dul a
steach annsa ló shaóire á mhuintir leis
an droing dar chóir dul amach annsa
tsábóid, agus thangadar go Jehoiada
sagart.
10 Agus thug an sagart do chap-
tínibh na ccéud, gaethe agus ...
tha an Rígh Daibhi, noch do bhí
annsa teampall.
11 Agus do bhí an gárda na sheas...
gach áon maille re na arm na láimh ...
gcuáirt timchioll an Rígh, ó choirn...
deas an teampuill go nuige coirnéil ...
an teampuill, ar fad re taóibh na h...
ra agus an teampuill.
12 Agus thug sé mac an Rígh a m...
agus do chuir coróin air, agus thug ...
nfiadhnuise dhó, agus do rinneadar ...
dhe, & do ungadar é; & do bhuail...
dar a mbasa air a chéile, & a dubh...
dar, Go mairigh an Rígh.
13 Agus a nuáir do chúala Atal...
torman an ghárda, agus an phob...
tháinic sí chum an phobuil go teamp...
an Tighearna.
14 Agus a nuáir do amhairc sí ...
féuch, do bhí an Rígh na shea...
láimh ré piléir mar budh gnáth, & ...
prionnsadha & na trumpadha a bh...
chair an Rígh, & daóine na críche ...
ag gáirdeachus, agus ag sé...
stoc: agus do bhris Ataliah a héadach,
agus do éigh sí, Feall, feall.
15 Achd do aithin Iehoiada an sa-
gart do chaiptínibh na ccéad, do...
an tslóigh, agus a dubhairt ríu, ...
ridh libh amach í taobh amuich do na
cóirighibh; agus gidh bé leanfas í, mar-
bhuidh leis an ccloideamh é: óir ...
dubhairt an sagart, ná marbhthar a ttigh
an Tighearna í.
16 Agus do chuireadar lámh innte,
agus dimthigh sisi an tslighe a tig...
na heich go tigh an Rígh, & ann...
do marbhadh í.
17 Agus do rinne Iehoiada cunnradh
idir an Ttigbearna & an Rígh, agus
an pobal, go mbéidís na bpobal ag an
Ttighearna; eidir an Rígh mar an
gcéadna, agus an pobal.
18 Agus do chuadar muintir na tíre
uile go tigh Bhaal, agus do bhris-
dar síos é; a altóracha, & a ioma-
gheacha do bhriseadar na mblogh...
thríd amach, & do mharbhadar Matan
sagart Bhaal as coinne na naltórach;
agus dórduigh an sagart oifigidh ós
cionn thighe an Tighearna.
19 Agus rug sé leis uachdaráin na
ccéud, agus na caiptínigh, agus an
gárda, & dáoine na tíre uile, & thug-
dar a nias an Rígh ó thigh an Tigh-
earna, & tháinic sé a slighe an gh...
an gharda go tigh an Rígh, & do ...
sé a ccatháoir an rígh.
20 Agus bá luathgháireach dáoine
na tíre uile, agus do bhí an ca-
thair suaimhneach, agus do mharbha-
dar Ataliah leis an gcloidheamh láimh
ré tigh an rígh.

21 Seachd

21 Seachd mbliadhna dáois do bhí Je-
...s a nuair do thosuigh sé a rioghachd.

CAIB. XII.

...tháin Jehoas ó na dhiaghachd. 17 *Do chuir sé cuid don ionnmhus naomhtha chum Hasael.*

ANsa seachdmhadh bliadhuin do Jehu
do thosuigh Jehoas a righe, agus
...fhichiod bliadhuin do bhí na
... ann Jerusalem: agus do bé ainim
...athar Sibia ó Bheersébha.
2 Agus do rinne Iehoas an ní fá ceart
...dharc an Tighearna ar feadh láe-
... a shaoghail, iona raibh Iehoiada
...gart dá mhúnadh.
3 Acht níor cuireadh na háite árda
...pil: do nídis an pobal a ccomh-
... iodhbhuirt, agus do loisgedís túis
... háitibh árda.
4 Agus a dubhairt Iehoas ris na sa-
... gach uile airgiod do na neithibh
...ithe bheirthear go tigh an Ti-
...arna, eadhon airgiod gach duine dá
... a chuntas, an tairgiod measdar
...duine fá leith, agus gach uile air-
... dá ttiucfa a ccroidhe dhuine do
...airt go tigh an Tighearna.
5 Glacaid na sagairt chuca é, gach
...duine ó na aithbeantus féin, agus lea-
... briste an tighe, gidh bé ball a
...thar briseadh air.
6 Achd is amhluidh bhí annsa treas
...adhuin fithchiod do righe Iehoas, nár
...uigheadar na sagairt briste an
tighe.
7 Ann sin do ghoir Iehoas air Iehoiada
an sagart, agus air na sagairt oile,
... a dubhairt riú, cred fá nach
...uighthigh briste an tighe? anois ar
an adhbhar sin, ná glacaidh níos mó dair-
giod ó bhur naitheantus, acht tugaidh
ar son bhriste an tighe é.
8 Agus do budh toil leis na sagar-
...aibh gan níos mó dairgiod do ghla-
...adh ón bpobal, agus gan briste an
tighe do leasughadh.
9 Achd do ghlac Iehoiada an sagart
...ofra, agus thug poll iona chláirbéil,
agus do shuighidh láimh ris a naltoir
é ar an ttaobh ndeas, mar tig duine
a steach go tigh an Tighearna: agus
na sagairt do choimhéd an dorus, do
chuirdís annsin gach airgiod dá ttug-
taoi go tigh an Tighearna.
10 Agus is amhluidh bhí, an tan do
chonnacadar go raibh mórán airgid annsa
chófra, go ttáinic scribhneóir an Rígh,
agus an tárdshagart súas, agus do chui-
readar a maladha é, agus do comh-
áiredar an tairgiod a ttigh an Ti-
ghearna.
11 Agus thugadar an tairgiod ar na
...mheadh a láimh na ndáoine do rinne a
...obair, agá raibh féadhmantus thighe an
Tighearna: agus thugadarsan amach é
do na saoraibh, agus don luchd sáothai-r

do oibrigh ar thigh an Tighearna,
12 Agus do shaóruibh cloch, agus do
luchd snoighte cloch, agus do cheannach
adhmuid, agus chloch shnoighte do lea-
sughadh bhriseadh thighe an Tighearna,
agus ar gach éinni dár cuireadh amach
ar son an tighe do dheasughadh.
13 Gidheadh ní dhearnadh do thigh
an Tighearna cupáin airgid, glantóirigh,
baisínigh, trumpadha, aon tsoitheach
óir, nó soithighe airgid do nairgiod tu-
gadh a steach go tigh an Tighearna.
14 Acht thugadar sin don luchd oi-
bre, agus do leasuigheadar tigh an Ti-
ghearna leis.
15 Os a chionn sin, ní dhearnadar
cuntus ris na dáoinibh, a lámhuibh a
ttugadar an tairgiod re sheachadadh don
luchd oibre: óir do rinneadar sírinne.
16 Airgid a naindlighe, agus airgiod
an pheacaidh, ní tugadh sin a steach go
tigh an Tighearna, budh leis na sa-
gartaibh é.
17 Ann sin do chuáidh Hasael Rígh
na Síria súas, agus do throid sé a na-
ghaidh Gát, agus do ghabh sé í, agus
thug Hasael aghaidh ar dhul súas go
Hierusalem.
18 Agus do ghlac Iehoas Rígh Iúdah
na neithe náomhtha uile do thiodhlaic
Iehosaphat, agus Iehóram, agus Ahasiah,
agus a aithre Ríghthe Iúdah, agus a
neithe naomhtha féin, agus ar fríth dór
a stórúsuibh thighe an Tighearna, agus
a ttigh an Rígh, agus do chuir chum
Hasael Rígh na Síria é, agus dimthigh
sé ó Ierusalem.
19 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Ioas, agus a ndéarna sé uile, nach
bhfuilid scríobhtha a leabhar chroinice
Ríogh Iúdah?
20 Agus déirgheadar a sherbhisigh,
agus do chogradar ré cheile, agus do
mharbhadar Ioas a ttigh Mhillo, noch
théid síos go Silla.
21 Óir do bhuail Iosachar mhac
Simeat, agus Iehosabad mhac Sómer a
sherbhísigh é, agus deúg sé: agus do
adhlaiceadar é a bhfochair a aithreadh
a ccathruidh Dháibhi, agus do rígh-
uidh Amasiah a mhac na áit.

CAIB. XIII.

*Do bhuaghaidh Jehoas mhac Jehoahas Ri Is-
rael, ar na Sirianchaibh go minic.*

ANsa treas bliadhain fithchiod do
Ioas mhac Ahasiah Rígh Júdah
do thosuigh Jehoahas mhac Jehu a righe
ós cionn Israel a Samária, agus do bhí
na Rígh seachd mbliadhna déug.
2 Agus do rinne sé an ní budh olc
a radharc an Tighearna, agus do lean
sé peacadh Jeroboam mhic Nébat, noch
thug ar Israel peacughadh, níor dhea-
luigh sé ris sin.
3 Agus do las fearg an Tighearna

a na-

a naghaidh Israel, agus do thoirbhir iad
a láimh Hasael Righ na Síria, agus a
láimh Bhen-hadad mhic Hasael ar feadh
a laetheadh uile.
4 Agus do ghuidh Jehoahas an Tigh-
earna, agus déist an Tighearna ris: óir
do chonnairc sé comhmbuáidhreadh Is-
rael, do bhrígh gur sháruigh rígh na
Síria iad.
5 Agus thug an Tighearna fear tár-
thala do Israel, ionnus go ndeachadar
amach ó bheith faoi laimh na Sirianach:
agus do aitreabhadar clann Israel iona
ttighthibh, mar do bhádar roimhe.
6 Gidheadh níor dhealuigheadar re
peacadh thighe Jeroboam, noch thug ar
Israel peacughadh, achd do shiubhluigh-
eadar ann, agus do bhí an garrán fós a
Samária.
7 Agus níor fhág sé don phobal ag
Iehoahas achd caogad marcach, agus
deich ccarbuid, agus deich míle coisighe;
óir do mharbh Righ na Síria iad,
agus do rinne iad amhuil luaithreadh
re búaladh.
8 Annois an chuid oile do ghníomhuibh
Iehoahas, agus a ndéarna sé uile, agus a
neart, nach bhfuilid scríobhtha a lea-
bhar croinice ríogh Israel?
9 Agus do choduil Jehoahas a bhfo-
chair a aithreadh, agus do adhlaiceadar
é a Samária, agus do ríoghadh Joas a
mhac iona áit.
10 Annsa tseachdmhadh bliadhuin
déug ar fhithchid do Joas rígh Júdah do
thosuigh Jehoas mhac Jehoahas a ríghe
ós cionn Israel a Samaria, agus do bhí
sé na rígh sé bliadhna déug.
11 Agus do rinne sé olc a radharc
an Tighearna: níor léig sé dhe pea-
cuidh Jeroboam mhic Nebat uile, noch
thug ar Israel peacughadh, achd do
shiubhail sé ionnta.
12 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Joas, agus a ndéarna sé uile, agus a
neart, ler throid se a naghaidh Ama-
siah Righ Júdah, nach bhfuilid scríobhtha
a leabhar croinice ríogh Israel?
13 Agus do choduil Joas bhfochair
a aithreadh, agus do shuigh Jerobo-
am iona chathaoir ríogha: agus do
hadhlaiceadh Joas a Samária a bhfochair
ríogh Israel,
14 Annois do ghlac tinneas Elisa,
don tinneas dá bfuáir sé bás: agus thá-
inic Joas righ Israel sios chuige, agus do
ghuil ós a chionn, agus a dubhairt, ó
mathair, mathair, carbad Israel, agus
a mharcshlúagh.
15 Agus a dubhairt Elisa ris, glac
bogha agus soighde: agus do ghlac
sé bogha agus soighde.
16 Agus a dubhairt sé ré rígh Israel,
cuir do lamh ar do bhogha: agus do
chuir se á lámh air; agus do chuir E-
lisa a lámh ar láimh an rígh.
17 Agus a dubhairt sé, foscuil an nfuin-
néog don leath shoir; agus dfoscuil sé í:
annsin a dubhairt Elisa, Caith; [illegible]
do chaith seision: agus a dubh[illegible]
soighead sháortha an Tighearna, [illegible]
soighead na tárthala ó Shíria: [illegible]
buailfidh tusa na Síriamuigh ann A[illegible]
no go scroiosfuidh tú iad.
18 Agus a dubhairt sé, [illegible]
soighde, agus do ghlac sé iad: [illegible]
dubhairt sé ré rígh Israel, buail [illegible]
ttalumh: agus do bhuail sé trí [illegible]
agus do sdad sé.
19 Agus do bhí óglach Dé [illegible]
ris, agus a dubhairt sé, budh chóir [illegible]
a bhualadh a cúig no a sé [illegible]
annsin do bhuáilfeá Síria, nó go [illegible]
slá í; a nait nach buailfidh tú [illegible]
achd trí huáire.
20 Agus déug Elisa, agus do [illegible]
ceadar é: agus do ionnsuigheadar [illegible]
ne na Moabiteach an tír ar [illegible]
steach na bliadhna.
21 Agus tárla mar do [illegible]
adhlacadh duine, féuch, go [illegible]
buidhean aca, agus do theilgeadar [illegible]
duine a ttuama Elisa: agus a [illegible]
léigeadh an tóglach sios, & do [illegible]
re cnámhuibh Elisa, do aithbh[illegible]
sé, agus do sheas sé súas ar a cho[illegible]
22 Acht do bhrúigh Hasael righ
na Síria, Israel, ar feadh laethé [illegible]
23 Agus do bhí an Tighearna [illegible]
samhuil dóibh, agus do ghabh [illegible]
dhóibh é, agus do bhí meas aige [illegible]
do bhrígh a chunnartha ré Abraham, [illegible]
Isaac, agus re Iácob, agus níor [illegible]
leis a sgrios uile, ná a tteilgion [illegible]
a lathair fós.
24 Annsin fuair Hasael righ na Síria
bás, agus do ríoghaidh Ben-hadad a
mhac iona áit.
25 Agus do bhean Ioas mhac Iehoahas
a ris as láimh Bhen-hadad mhic [illegible]
na caithreacha do bhean seision as láimh
Iehoahas a athair le cogadh: do [illegible]
Ioas é trí huáire, agus do bhean [illegible]
caithreacha Israel de.

CAIB. XIV.

De mbarbh Amasiah mbac Joas Ri Juda, dúnmbarbhach a athar. 7 agus [illegible] domitigh.

ANsa dara bliadhuin do Ioas mhic
Iehoahas Rìgh Israel, do ríoghadh
Amasiah mhac Ioas Rìgh Iúdah.
2 Do bhi sé cúig bhliadhna fichead
daóis an tan do thosuigh a ríghe, agus
do bhì sé na Righ naoi mbliadhna fi-
chiod ann Ierusalém: agus do bhé ainm
a mhathar Iehoaddan ó Ierusalem.
3 Agus do rinne sé ceart a radharc
an Tighearna; gidheadh ní a cosmhui-
lachd Dháibhi a athar: do rinne sé
do reir gach uile neithe dá ndéarna
a athair Ioas.
4 Acht cheana níor scriosadh na háite
arda: do bhidís an pobal fós ag íobh-
buirt, agus ag losgadh túise ar na háit-
tibh árda.

5 Agus

5 Agus tárla ar ball ar daingnigheadh
an rioghachd iona láimh, gur mharbh
sé a shearbhfhoghantuidhigh, noch do
mharbh an Rígh a athair.
6 Acht níor mharbh sé clann na ndún-
mharbhthach: do reir mar atá scríobh-
tha a leabhar dlighe Mhaóise, ann ar
aithin an Tighearna, gha rádh, Ni
cuirfighear na haithreacha chum báis
ar son na cloinne, ní mó cuirfighear
an chlann chum báis ar son na naith-
reach; achd cuirfighear gach aon chum
báis ar son a pheacaidh féin.
7 Do mharbh sé deich míle do Edom
a ngleann an tsaluinn, agus do ghabh
Selah ré cogadh, agus do ghoir Joc-
teel dainm dhi gus a niugh.
8 Ann sin do chuir Amasiah teachda
aidh go Joas mhac Jehoahas mhic Jehu
Rígh Israel, gha rádh, Tárr, féucham
ar aighthibh a chéile.
9 Agus do chuir Joas Rígh Israel go
Hamasiah Rígh Júdah, ghá rádh, Do
chuir an foghbhannan do bhí a Lebanon
teachda chum an chédair do bhí a Leba-
non, gha rádh, tabhair hinghion dom
mhac na mnáoi: agus do ghabh bea-
thach allta thort do bhí a Lebanon, agus
do shaltair síos an foghbhannan.
10 Do bháail tú go dembhin Edom,
agus do thóg do chroidhe súas thú:
glac glóir dhe so, agus fan san mbaile:
óir cred as a mbúainfeá ré ní do ghoir-
tiughadh thú, as a ttuitfeá féin, agus
Júdah maille riot?
11 Ach ní thug Amasia toradh air.
Uimesin do chuáidh Joas Rígh Israel
suas, agus dféuch sé féin agus Amasiah
Rígh Júdah a chéile na naighthibh a
Mbet-semes, noch bheanas re Júdah.
12 Agus tugadh an chuid sa mheasa
do Júdah roimhe Israel, agus do theithe-
adar gach áon aca dha thigh.
13 Agus do ghabh Joas Rígh Israel
Amasiah Rígh Júdah, mac Joas mhic
Ahasiah a Mbet-sémes, agus thainic
sé go Hierusalem, agus do bhris sé
balla Jerusalem ó gheata Ephra-
im go geata an choirnéil, ceithre chéud
cubhad.
14 Agus do rug leis iomlán a nóir
agus a nairgid, agus ar fríth do shoi-
thighibh a ttigh an Tighearna, agus
a nionnmhusuibh thighe an Rígh, agus
braighde comhaill, agus dfill sé go Sa-
maria.
15 Anois an chuid oile do ghníomh-
aibh Joas, noch do rinne sé, agus a neart,
agus mar do throid sé re Hamasiah
Rígh Júdah, nach bhfuilid scríobhtha
a leabhar croinice Ríogh Israel?
16 Agus do chodail Joas agá aithribh,
agus do hadhlaiceadh é a Samária ma-
ille re Rioghaibh Israel, agus do río-
ghadh Jeroboam a mhac iona áit.
17 Agus do mhair Amasiah mhac Joas
Rígh Júdah cúig bhliadhna déug a ndi-
aigh bháis Joas mhic Jehoahas Rígh Israel.
18 Agus an chuid oile do ghníomh-
aibh Amasiah, nach bhfuilid scríobtha
a leabhar croinice Ríogh Júdah?
19 Anois do chumadar feall iona
aghaidh ann Jerusalem, agus do theith
sé go Lachis, achd do chuireadarsan
na dhiaigh go Lachis, agus do mhar-
bhadar ann sin é.
20 Agus thugadar leó air eachaibh é,
agus do hadhlaiceadh é ann Jerusalem agá
aithribh a ccathruigh Dháibhi.
21 Agus rugadar pobal Júdah uile
Asariah (noch do bhí sé bliadhna déag
dáois) leó, agus do rinneadar Rígh dhe
a nait Amasiah a athair.
22 Do chuir se súas Elat, agus do
aisig do Júdah í; tar éis sin do chodail
an Rígh a bhfochair a aithreadh.
23 Ann sa ccúigeadh bliádhuin déag
do Amasiah mhac Joas Rígh Judah do
thosuigh Jeroboam mhac Joas Rígh Israel
a righe a Samária, agus do bhí na
Rígh bliaghuin agus dá fhitchiod.
24 Agus do rinne sé olc a radharc
an Tighearna: níor dhealuigh sé ré
uile pheacuighibh Jeroboam mhic Nébat,
noch thug ar Israel peacughadh.
25 Do aisig sé cósta Israel ó theachd
a steach Hamat go fairge an réitigh, do
réir bhréithre an Tighearna Día Israel,
noch do labhair sé le láimh a óglaich
Jónah mhic Amittai, an faigh, noch do
bhí do Ghat-hepher.
26 Oir do chonnairc an Tighearna
aindeise Israel go raibh ro shearbh: óir
níor druideadh éainni súas, agus níor
fágbhadh éinní, nó cungantach ar bith
ag Israel.
27 Agus ní dubhairt an Tighearna
fós go léirscriosfadh sé ainm Israel ó
bheith faói neamh: acht do sháor sé
íad le láimh Jeroboam mhic Joas.
28 Anois an chuid oile do ghnío-
mhuibh Jeroboam, agus a ndéarna sé
uile, agus a neart, mar do rinne sé
cogadh, agus mar do bhean sé Damascus
amach, agus Hamat Júdah, do Israel,
nach bhfuilid scriobhtha a leabhar croi-
nice Ríogh Israel?
29 Agus do chodail Jeroboam agá
aithribh, ag Rioghuibh Israel, agus do
bhí Sachariah a mhac na rígh iona áit.

CAIB. XV.

Asariah & Jotam righthe Judah. 8 Sachariah, &c. ar Israel.

ANsa seachdmhadh bliadhain fithchiod
do Jeroboam rígh Israel do thosuigh
Asariah mhac Amasiah rígh Júdah, a
righe.
2 Sé bliadhna déug daois bhí sé a
nuair do thosuigh sé a righe, agus do
bhí na rígh dhá bhliadhuin déug agus dá
fhichthiod ann Jerusalem: agus do bé
ainm a mhathar Jecholiah ó Jerusalem.
3 Agus do rinne sé ceart a ra-
dharc an Tighearna, do reir a nuile

ní dá ndéarnuidh Amasiah a athair.
4 Acht níor hathruigheadh na háite
árda ; do ridis an pobal iodhbairt,agus
do loisgedis túis a ccomhnuidh annsna
háitibh árda.
5 Agus do bhuáil an Tighearna an
Rígh, ionnus go raibh sé na lobhar go
ló a bháis, agus do rinne sé comhnuigh
a ttigh ar leith, agus do bhí Jótam
mac an Rígh ós cionn an tighe ag déa-
namh breitheamhnuis air phobal na tíre,
6 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Asariah, agus a ndéarna sé uile,
nach bhfuilid siad scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Júdah?
7 Mar sin do choduil Asaria agá aith-
ribh, agus do hadhlaiceadh é a bhfo-
chair a aithreadh a ccathruigh Dháibhi :
agus do ríoghadh Jótam a mhac iona áit.
8 Ann sa nochdmhadh bliadhuin déag
ar fhithichid do Asariah Rígh Júdah do
bhí Sachariah mhac Jeroboam na Rígh
ar Israel a Samária sé mhí.
9 Agus do rinne sé olc a radharc
an Tighearna, mar do rinneadar a
aithre : níor dhealuigh sé ré peacadh
Jeroboam mhic Nébat, noch thug ar
Israel peacughadh.
10 Agus déirigh Sallum mhac Jabes
na aghaidh, agus do bhuáil sé é as
coinne an phobail, agus do mharbh sé é,
agus do bhí féin na Riogh iona áit.
11 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Shachariah , féuch ataid siad
scríobhtha a leabhar croinice Ríogh
Israel.
12 Bá hé so focal an Tighearna, noch
do labhair sé re Jehu, gha radh, suigh-
fidh do mhic ar chathaóir ríogha Israel
go nuige an ceathramhadh glún ; agus
is mar sin tháinic a gcrích.
13 Do thosuigh Sallum mhac Jabes
a righe annsa naomhadh bliadhuin déag
ar fhithchid do Usiah Rígh Júdah,
agus do bhí na Rígh mí iomlán a Sa-
mária.
14 Oir do chuaidh Menahem mhac
Gádi suas ó Thirsah, agus tháinic sé go
Samária, agus do bhuail sé Sallum mhac
Jabes a Samária, agus do marbh sé é,
agus do bhí na Righ iona ait.
15 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Shallum, agus an nfeall do rinne sé,
féuch, ataid scríobhtha a leabhar croi-
nice Ríogh Israel.
16 Ann sin do bhúail Menahem Tiph-
sah, agus gach a raibh innte, agus a
cóstadha ó Thirsah : do bhrigh nar
fhoscladar roimhe, uime sin do bhúail sé
í, agus do scoilt suas a raibh do mhnáibh
torrcha innte.
17 Ann sa naomhadh bliadhuin déug
ar fhichthid do Asariah Rígh Júdah do
thosuidh Menahem mhac Gádi a ríghe
ós cionn Israel, agus do bhí na Rígh
deich mbliadhna a Samária.
18 Agus do rinne sé olc a radharc an
Tighearna : níor dhealuidh sé ar feadh a
bheatha re peacadhuibh Jerobo[illegible]
Nébat, noch thug ar Israel peac[illegible]
19 Agus tháinic Pul Rígh na [illegible]
a naghaidh na tíre ; agus thug [illegible]
do Phul míle tallann airgid, [illegible]
go mbeith a lámh ris do dh[illegible]
na ríoghachda iona láimh.
20 Agus do thabhuidh Menahem
tairgiod ar Israel, eadhon air gach
dhuine chumasach a saidhbhrios, ar
éanduine caogad Secel airgid, re [illegible]
airt do Rígh na Hassíria, mar[illegible]
fhill Rígh na Hassíria ar ais, agus [illegible]
fhan annsin ansa dúithche.
21 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Mhenahem, agus a ndéarna sé [illegible]
nach bhfuilid scríobhtha a leabhar cr[illegible]
nice Ríogh Israel ?
22 Agus do choduil Menahem [illegible]
aithribh, agus do ríoghadh Pecahiah
mhac iona áit.
23 Annsa 'chaogadmhadh bliadhuin
do Asariah Rígh Júdah do [illegible]
Pecahiah mhac Menahem a [illegible]
cionn Israel a Samária, agus do [illegible]
Rígh dhá bhliadhuin.
24 Agus do rinne sé olc a radharc
an Tighearna, níor dhealuigh sé re pea-
cadhuibh Jeroboam mhic Nebat, noch
thug ar Israel peacughadh.
25 Acht do rinne Pecah mhac Re-
maliah, caiptín dá mhuintir [illegible]
air, agus do bhúail é a Samária [illegible]
lás thighe an Rígh, maille re [illegible]
agus Arieh, agus maille re [illegible]
do na Gileaditeachaibh : agus do [illegible]
sé é, agus do bhí na Rígh iona áit.
26 Agus an chuid oile do ghníomh[illegible]
Phecahiah, agus a ndéarna sé [illegible]
feúch, ataid scríobhtha a leabhar cro-
inice Ríogh Israel.
27 Annsa dara bliadhain ar [illegible]
do Asariah Rígh Júdah, do ríoghadh
Pecah mhac Romaliah ós cionn Israel
a Samária fithche bliadhuin.
28 Agus do rinne sé an ní [illegible]
radharc an Tighearna, níor [illegible]
sé re peacadhuibh Jeroboam mhic Ne-
bat, noch thug ár Israel peacughadh.
29 A laethibh Phecah Rígh Israel
thínic Tiglat-pileser Rígh na Hassíria,
agus do ghabh sé Hijon agus Abel-beth-
maacha, agus Ianoah, agus Cedes, agus
Hásor, agus Gileadi agus Galilea, agus
fearann Napthali uile ; agus thug a [illegible]
íad go Hassiria.
30 Agus déirigh Hosea mhac Elah a
naghaidh Phecah mhic Remaliah, agus
do bhuail sé é, agus do mharbh é, agus
do bhí féin na Rígh na áit, annsa bhfi-
chiodmhadh bliadhuin do Jótam mhic
Usiah.
31 Agus an chuid oile do ghníomh-
uibh Phecah, agus a ndéarna sé uile,
féuch, ataid scríobhtha a leabhar cro-
nice Ríogh Israel.
32 Annsa dara bliadhuin do Phecah
mhac Remaliah Rígh Israel, do [illegible]

Jótam

...n mhac Uiiah Rígh Júdah a ríghe.
33 Cúig bhliadhna fithchiod daóis do
... sé a nuair do thosuigh sé a ríghe,
...s do bhí na Rígh sé bliadhna déug.
34 Agus do rinne sé an ní fa ceart
a radharc an Tighearna: do rinne sé
do réir a nuile ní, dá ndeárnuidh a
athair Uiiah.
35 Acht cheana níor hathruigheadh
na háite árda: do nídís an pobal íodh-
bairt, agus do loisgedís túis a ccomh-
nuigh annsna háitibh árda: do chuir sé
suas an geata sa háirde do thigh an
Tighearna.
36 Anois an chuid oile do ghníomh-
arthaibh Jótam, agus a ndéarna sé uile,
nach bhfuilid siad scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Júdah?
37 Annsna laéthibhsi do thosuigh an
Tighearna, Resin Rígh na Síria, agus Pe-
cah mhac Remaliah, chur a naghaidh
Júdah.
38 Agus do choduil Jótam agá aithribh,
agus do hadhlaiceadh a bhfochair a ai-
threadh é a ccathruigh Dháibhi a athar,
agus do ríoghadh Ahas a mhac iona áit.

CAIB. XVI.

*...ir Rí na Hassiria ar Ahas Rí Judah,
...Rígh na Siria.*

1 ANNsa seachdmhadh bliadhuin déug
do Phecah mhac Remaliah do
thosuigh Ahas mhac Jótam Rígh Júdah
a ríghe.
2 Fithche bliadhna daóis do bhí A-
has a nuair do thosuigh a ríghe, agus
do bhí na Rígh sé bliádhna déug ann
Hierusalem: agus ní dhéarnuidh sé an ní
fa ceart a radharc a Thighearna Dé,
mar do rinne a athair Dáibhi.
3 Acht do shiubhail sé a slighe
Ríogh Israel; thug fós ar a mhac dul
tréd an tteinidh, do réir adhúathmh-
airecd na ngeinteadh, noch do theilg
an Tighearna amach roimhe chloinn Israel
4 Agus do rinne sé íodhbairt, agus
do loisg sé túis air na hárduibh, agus
air na cnocaibh, agus faoi gach éan-
chrann glas.
5 Annsin tháinic Resin Rígh na Síria,
agus Pecah mhac Remaliah Rígh Israel
suas go Hierusalem chum cogaidh: agus
do chuireadar sluagh na suidhe air Ahas,
acht ní dheachaidh aca air.
6 A nuairsin do ghnodhuigh Résin
Rígh na Síria Elat ar ais don Túria,
agus do dhíbir na Júduighe ó Elat, a-
gus thangadar na Sirianuigh go He-
lat, agus do áitigheadar ann sin gus
a niugh.
7 Annsin do chuir Ahas teachda go
Tiglat-pileser Rígh na Hassiria, ghá
rádh, is misi do sherbhíseach agus do
mhac: tair suas, agus cumhdaigh mé
as láimh Rígh na Síria, agus as láimh
Rígh Israel, noch déirigh súas am a-
gaidh.
8 Agus do ghlac Ahas an tór
agus an tairgiod do fríth a ttigh an
Tighearna, agus a nionnmhus thighe an
Rígh, agus do chuir tiodhlacadh go
Rígh na Hassiria.
9 Agus daontuigh Rígh na Hassiria
leis: oír do chuáidh Rígh na Hassiria
súas a naghaidh Dhamascus, agus do
ghabh sé í, agus rug na daóine do bhí
innte a láimh go Cir, agus do mharbh
sé Résin.
10 Agus do chuaidh Ahas go Da-
mascus, a ccoinne Thiglat-pileser Rígh
na Hassiria, agus do chonnairc sé
altóir do bhí ann Damascus: agus
do chuir an Rígh Ahas chum Uriiah
an sagart, cuma na haltóra agus a
samhlachus, do réir á hoibrighthe uile.
11 Agus do rinne Uriiah an sagart
altóir, do réir gach éinneithe dar chuir
Ahas an Rígh ó Dhamascus chuige:
már sin do rinne Uriiah an sagart i fa
a nam a ttáinic an Rígh Ahas ó
Dhamascus.
12 Agus a nuair tháinic an Rígh ó
Dhamascus, do chonnairc an Rígh
an altóir: agus tháinic an Rígh
gus a naltóir agus do ofráil sé uirre.
13 Agus do loisg sé ofráil loisge,
agus ofráil bhídh, agus do dhóirt
a ofráil dighe, agus do chroith sé
fuil a ofrála síothchána air an naltóir.
14 Agus do rug sé leis mar an
gcéadna an naltóir phráis do bhí a la-
thair an Tighearna, ó éadan an tighe,
ó eidir an naltóir agus tigh an Tigh-
earna, agus do chuir sé air an ttáoibh
thuáigh do naltóir í.
15 Agus do aithin Ahas do Uriiah
an sagart, ghá rádh, ar an naltóir
mhóir loisg ofráil loisge na mhaidne,
agus ofráil bhídh an trathnóna, agus
íodhbuirt loisge an Rígh, agus a ofráil
bhídh, agus ofráil loisge dhaoine na tíre
uile, agus a nofrála dighe, agus croith
uirre fuil na hofrála loisge uile, agus
fuil hiodhbarta uile: agus biádh an nal-
tóir phrais agumsa do cheasnughadh
maille lé.
16 Marso do rinne Uriiah an sagart
do réir a nuile ní dar aithin an Rígh
Ahas de.
17 Agus do ghearr an Rígh Ahas
imiol na mbásadh, agus do átharruigh
an láibher dhiobh amach, agus do leag
an nfairge do na damhuibh práis do
bhí fúithe, agus do chuir ar phábháil
chloch í.
18 Agus an folach don tsabbóid do
rinneadar annsa tigh, águs dul a steach
an Rígh amuich, do iompóigh sé ó thigh
an Tighearna, deagla Rígh na Hassiria.
19 Anois an chuid oile do ghníomh-
uibh Ahas noch do rinne sé, nach
bhfuilid scríobhtha a leabhar croinice
Ríogh Júdah.
20 Agus do choduil Ahas a bhfochair
a aithreadh, agus do hadhlaiceadh agá
aithribh

aithribh é a ccathruigh Dháibhi, agus do
ríoghuidh Hesecíah a mhac na áit.

CAIB. XVII.

Rug Rígh na Hassiria leis pobal Ri Israel.

ANsa dara bliadhain do Ahas righ Jú-
dah, do thosuigh Hoseá mhac Elah
a ríghe a Samária ós cionn Israel náoi
mbliadhna,
2 Agus do rinne sé an ní sa holc a
radharc an Tighearna, acht ní do nós
na ríogh thainic roimhe ós cionn Israel.
3 Tháinic Salmaneser rígh na Hassi-
ria suás na aghaidh, agus do umhluidh
Hoseá na sherbhíseach dhó, agus thug
tiodhlaice dhó.
4 Agus fúair rígh na Hassíria droich-
mhéin ann Hoseá: óir do chuir sé teachda
go So rígh na Hégipte, agus ní thug
sé tiodhlacadh ar bith go rígh na Hassi-
ria, mar do rinne sé ó bhliadhuin go
bliadhuin: ar a nadhbharsin do dhruid
rígh na Hassíria sa íadhadh é, agus do
cheangail sé a bpriosún é.
5 Ann sin tháinic rígh na Hassíria
súas ar feadh na críche uile, agus do
chuáidh suas gu Samária, agus do bhí re
na haghaidh trí bliadhna.
6 Annsa náomhadh bliadhuin do Ho-
seá do ghabh rígh na Hassíria Samária,
agus rug se Israel leis go Hassíria, agus
do shuighidh íad ann Hálah, agus ann
Hábor láimh ré habhuinn Gósan, agus
a ccaithreachaibh na Mediteach.
7 Oír is amhluidh bhí, gur pheacuighea-
dar clann Israel a naghaidh a TTigh-
earna Dia, noch thug a níos íad as
crích na Hégipte ó bheith faoi láimh
Phárao rígh na Hégipte, agus go raibh
eagla deé oile orra;
8 Agus gur shiubhluigheadar a rea-
chduibh na ngeinteadh, (noch do theilg
an Tighearna amach roimhe chloinn Is-
rael) & rightheadh Israel, noch do rinne-
adar féin.
9 Agus do rinneadar clann Israel
go foluigheach na neithe nar chóir, a na-
ghaidh a TTighearna Día, agus do
rinneadar áite árda dhóibh fein iona
ccaithreachaibh uile, ó thor an luchd fa-
ire go nuige an ccathruigh chumh-
duighthe.
10 Agus do chuireadar súas dóibh
féin íomháighe, agus garráin ann gach
áon chnoc árd, agus faoi gach áon chrann
glas.
11 Agus annsin do loisgedís túis ann-
sna háitibh árda uile, mar níodh na
geintidh do dhíbir an Tighearna rompa,
agus do oibrigheadar droichneithe do
bhrostughadh an Tighearna chum feirge.
12 Oír do adhradar íomháigheadh, a
ttaoibh a ndubhairt an Tighearna riú,
Ná déunuidh an nisi.
13 Gidheadh fós do rinne an Tighearna
fiadhnuise a naghaidh Israel, agus a
naghaidh Júdah tres na fáighibh uile,
agus treas an luchd faicsiona uile,
gha rádh, Fillidhsi ó bhur n[illegible]
ghibh, agus coimhéaduigh maith[illegible]
agus mo reachda, do réir a n[illegible]
ghe dar áithin mé dá bhur n[illegible]
agus noch do chuir mé chugaibh [illegible]
sherbhísigh na fáidhe.
14 Gidheadh níor bháill léo a c[illegible]
sion, achd do chruáidheadar a [illegible]
amhuil mulnéil a naithreadh, [illegible]
chreid ann a TTighearna Dia.
15 Agus do tharcuisnigheadar a [illegible]
chda agus a chunnradh do rinne [illegible]
na naithribh, agus a fhiadhnuise [illegible]
noch do fhiadhnuigh sé na n[illegible]
agus do leanadar díomhaóines, [illegible]
thangadar chum bheith díomhaóin, [illegible]
do leanadar na geintigh, noch do [illegible]
ar gach táobh dhíobh, a ttaobh ar [illegible]
gair an Tighearna dhíobh, nach [illegible]
idís ní cosmhuil riú.
16 Agus do fhágbhadar uile [illegible]
a TTighearna Día, agus do [illegible]
dhóibh féin íomháigheadh leaghtha, [illegible]
láogh, agus do rinneadar garráin, [illegible]
do adhradar slógh neimhe uile, agus [illegible]
adhradar Baal.
17 Agus thugadar air a [illegible]
agus air a ningheanuibh dul [illegible]
tteine, agus do nidís fáistine, [illegible]
idheachd, agus do reacadar íad [illegible]
dhéanamh uilc a bhfíadhnuise an Tigh-
earna, dá bhrostughadh chum feirge.
18 Uimesin do bhí an Tighearna [illegible]
fheargach re Hisrael, agus do [illegible]
ruigh sé as a radharc iad: níor [illegible]
éanduine, achd treabh Júdah amháin.
19 Mar an gcéadna níor [illegible]
Júdah aitheanta a TTighearna Día, [illegible]
do shiubhluigheadar a reachduibh [illegible]
noch do rinneadar féin.
20 Agus do chuir an Tighearna [illegible]
Israel uile a ttarcuisne, agus do [illegible]
uigh íad, agus do thoirbhir iad [illegible]
láimh mhillteoireadh nó gur theilg sé [illegible]
a radharc iad.
21 Oír do réub sé Israel ó thigh Dhá-
ibhi, agus do rinneadar Rígh do Jero-
boam mhac Nébat, agus do [illegible]
Jeroboam Israel ón Tighearna do [illegible]
mhuin, agus thug orra peacadh [illegible]
do pheacughadh.
22 Oír do shiubhluigheadar clann Is-
rael a bpeacadhuibh Ieroboam uile, [illegible]
do rinne sé, níor dhealuigheadar riú.
23 No gur atharruigh an Tighearna
Israel as a radharc, mar a dubhairt [illegible]
tre na sheirbhíseachaibh uile na fáidhe:
mar sin rugadh Israel as a [illegible]
féin go Hassíria gus a niugh.
24 Agus thug Rígh na Hassíria [illegible]
ine ó Bhabilon, agus ó Chutah, ó [illegible]
agus ó Hamat, agus ó Shepharbhaim, [illegible]
do shuighidh sé íad a ccaithreachaibh
Shamária, a náit chloinne Israel, agus do
shealbhuigheadar Samaria, agus do [illegible]
tigheadar iona ccaithreachaibh
25 Agus is amhluidh bhí, a [illegible]
a cconthnuighe annsin, nach raibh [illegible]

Tighearna orra : uimesin do chuir an
earna leomhain na measg, noch do
rbh cuid díobh.
26 Uime sin do labhradar re Rígh na
sária, gha rádh, na fineadhacha do
aistrigh tú, agus do shuighidh thú a
cathreachaibh Shamária, ní feas dóibh
Dhé na tíre; uime sin do chuir
mhain na measc, agus féuch, atáid
marbhadh, do bhrigh nach bhfuil
mhodha Dé na tire aca.
27 Ann sin dfúagair Rígh na Has-
, gha rádh, beiridh libh ann sin
do na sagartaibh, noch thugabhair
sin, agus éirghedís, agus comhnui-
sís annsin, agus múineadh sé dhóibh
Dhé na tíre.
28 Ann sin tháinic áon do na sa-
aibh do rugadar léo as Samáriá, &
rinne sé comhnuidhe a Mbétel, agus
mhúin dóibh cionnus do bheith eagla
Tighearna orra.
29 Gideadh do rinne gach éainchineadh
dhóibh féin, & do chuireadar íad
tighthibh na náiteach nárd noch
readar na Samaritanuigh, gach éain-
readh ann a ccaithreachaibh féin mar
chomhnuigheadar.
30 Agus do rinneadar muintir na
bhlóine Sucot-benot, agus luchd Chut
rinneadar Nergal, agus do rinneadar
tir Hámot, Asima.
31 Agus do rinneadar na Habhítigh
Nibhas agus Tartac; & do loisgeadar
Sepharbhítigh a cclann a tteine do
Adrammelech, agus do Anammelech,
Sepharbhaim.
32 Marsin do bhí eagla an Tighearna
orra, agus do rinneadar dhóibh féin
luchd do budh uirísle aca, sagairt na
náitech árd, noch do níodh íodhbhairt
ar a son, a ttighthibh na náiteach nárd.
33 Do bhí eagla an Tighearna orra,
agus do adhradar a ndeé féin, do reir
modha na ccineadhach, noch ruga-
dar leó as sin.
34 Gus an lá a niugh do níd reir
na sean nóis; ní bhíonn eagla an Tigh-
earna orra, ní mó do níd do reir a
reachta, nó do reir a nórduightheadh,
nó do reir an dlighe & na haithne, noch
dáithin an Tighearna do chloinn Iácob,
dár ghoir sé Israel dainm.
35 Re a ndéarna an Tighearna cunn-
radh, & ar fhuagair dhóibh, gha rádh,
ní bhía eagla eindee oile oruibh, ní uimh-
leochaidh sibh féin dóibh, ní dhéantaói
íodhbhuirt dóibh, ní dhéantaói seirbhís
dóibh:
36 Acht an Tighearna, noch thúg a
níos sibh as crích na Hégipte re cumhachda
móra, & le láimh sínte amach, is roimhe-
sin bhías eagla oruibh; & isé a dharfui-
dhe, agus is dó dhéantaoi íodhbhuirt.
37 Agus coimheudfuidhe na statúidigh,
& na horduighthe, & na dlighthe, & na
haitheanta, noch do scríobh sé dháoibh,
coimhéudfaoi íad go bráth, & ní bhíáidh
eagla deé oile oruibh.
38 Agus ní dhearmadfáoi an chun-
radh do rinne mé ribh, ní mó bhías eagla
dée oile oruibh.
39 Acht biaidh eagla bhur Ttighearna
Día féin oruibh, agus sáorfuidh sé sibh
as laimh bhur nuile námhad.
40 Acht cheana níor eisteadarsan, achd
do rinneadar do reir an chéad ghnátha.
41 Marsin do bhí eagla an Tighearna
ar na cineadhachaibh si, agus do rinnea-
dar serbhís dá níomháighibh ghrábhálta
féin, a cclann araon, & clann a ccloinne:
mar do rinneadar a naithre, is marsin do
nidsion gus a niugh.

CAIB. XVIII.

Do aisig Hesecia Ri Judah an crábhadh firin-neach. 17 Raithe ⁊ ro-chaine Rabsaceh.

A Nois tárla annsa treas bliadhain do
Hoseá mhac Elah Rígh Israel, gur
thosuigh Heseciah mhac Ahas Rígh Iu-
dah a ríghe.
2 Cúig bhliadhna fithchiod dáois do
bhí sé a nuair do thosuigh sé a ríghe,
agus do bhí na Rígh náoi mbliadhna fi-
thchiod ann Ierusalem: do bé fós ainm
a mhathar Abi, inghean Shachariah.
3 Agus do rinne sé an ní sa ceart a
radharc an Tighearna, do reir a nuile
ní dá ndearnuidh á athair Dáibhi.
4 Do atharruidh sé na háite árda,
agus do bhris sé na híomháighe, agus
do ghearr sé síos na garrain, agus do
bhris na codchannaibh a naithir nimhe
phráis do rinne Máoise: óir gus an
namsin do loisgeadis clann Israel túis
di: & do ghoir sé Nehustan di.
5 Do chuir sé a dhóigh annsa Ti-
ghearna Día Israel, iondus nach raibh
éanduine na dhiáigh cosmhuil ris a measg
Ríogh Júdah uile, nó éanduine dá raibh
roimhe.
6 Oír do chuaidh sé a leith an Tigh-
earna, & níor dhealuigh re na leanmhuin
áchd do choimhéud a aitheanta noch do
aithin an Tighearna do Mháoise.
7 Agus do bí an Tighearna maille ris,
agus do chuáidh sé ar a aghaidh gach uile
bhall a ttiagh amach, agus do chathuigh
sé a naghaidh Rígh na hAssiria, agus níor
fhoghuin sé dó.
8 Do bhúail sé na Philistinigh go
nuige Gasa, agus a imle sin ó thor
an luchd faire gus na caithreachaibh
daingne.
9 Agus tárla annsa cheathramhadh
bliadhuin do Heseciah, (noch ar bhé an
seachdmhadh bliadhuin do Hoseá mhac
Elah Rígh Israel) go ttáinic Salmaneser
Rígh na Hassiria a naghaidh Shamá-
ria, & gur chuir slúagh na shuighe uirre.
10 Agus a ccionn thrí mbliadhan do
ghabhadar í, annsa seiseadh bliadhuin
do Heseciah (do bí sin an náomhadh
bliadhain do Hosea Rígh Israel) do
gabhadh Samária.
11 Agus rug Rígh na Hassiria Is-
rael leis don Assiria, agus do chuir
sé

é iad ann Hálah agus Hábor láimh ré
habhuinn Gosan, agus a ccaithreachaibh
na Médeach :
12 Do bhrígh nar umhluigheadar
do ghlór a TTighearna Dé, acht gur
sháruigheadar a chunnradh, agus a nuile
ni dár aithin Máoise searbhshoghantuigh
an Tighearna dhiobh, agus nar bhaill
leó a ccluinsion, nó a ndéanamh.
13 Annois ansa cheathramhadh blia-
dhuin déug don Righ Hesteciah, tháinic
Sennacherib Righ na Hasíria súas a
naghaidh uile chaithreach ndaingean
Júdah, agus do ghabh sé iad.
14 Agus do chuir Hesteciah, Righ
Júdah teachda go Righ na Hasíria go
Lachis, dhá rádh, Do choirigh mé, fill
uáim : an ni chuirfios tú orum, iom-
chorfuidh mé é. Agus do chuir Righ na
Hasíria ar Hesteciah Righ Júdah trí
chéud tallann airgid, agus tríochad tal-
lann óir.
15 Agus thug Hesteciah dhó ar frith
dairgiod a ttigh an Tighearna, agus a
niónnmhusuibh thíghe an Righ.
16 Fa namsin do gheárr Hesteciah
an tór do dhoirsibh theampuill an Ti-
ghearna, agus do na Piléuruibh, noch do
dholuigh Hesteciah Righ Júdah [re hór]
agus thug sé do Righ na Hasíria é.
17 Agus do chuir Righ na Hasíria
Tartan, agus Rabsaris, agus Rab-
saceh ó Lachis gus an Righ Hesteciah
maille re sluagh mór a naghaidh Je-
rusalem : agus do chuádar súas agus thán-
gadar go Hierusalem ; agus a nuair
thangadar a níos, thangadar agus do
sheasadar ag píopa an lochain dob
áirde, noch atá a slighe mhóir mha-
chaire a núcaire.
18 Agus a nuair do ghoireadar chum
an Righ, thánic Eliacim mhac Hilciah
amach chuca, noch do bhí ós cionn an
teaghluigh, agus Sebna an scríbhneóir,
agus Joah mhac Asaph an cuimhnigh-
theoir.
19 Agus a dubhairt Rabsaceh riú,
labhruidhsi a nois ré Hesteciah, marso
deir an Righ mór, Righ na Hassiria, cred
é an daingion so iona bhfuil tú ag cur
do dhóthchuis ?
20 A deir tusa (acht is briathra
díomhaoin iad) atá comhairle agus neart
agumsa chum an chogaidh : anois cia
iona bhfuil do dhóthchus, as a tteid tú a
ccogadh ormsa ?
21 Féuch annois atá do dhóigh a mai-
de don ghiolcuigh bhrúitesi, ión sa Né-
gipt, noch má sheasann duine air, rachas
iona láimh agus thollfas í : marsin atá
Phárao rígh na hégipte ré gach áon dá
gcuirionn a dhóigh ann.
22 Acht má deirthí riomsa, Atá ar
ndóigh ann ar TTighearna Día, nach é
sin an té ar chuir Hesteciah a aite árda,
agus a altóra ar gcúl, agus a dubairt sé
ré Júdah, agus ré Jerusalem, do dhéan-
taoi ïodhbuirt as coinne na haltórasa ann
Jerusalem ?
23 Annois ar a nadhbharsin ...
thu, tabhair braighde dom thighearna
righ na Hássiria, agus do bhéara ...
mhíle each dhuit, má thig dhuit ...
shon féin marcshluagh do chur orra.
24 Cionnus maiseadh iompódh ...
uait aghaidh éanchaiptín amháin ...
searbhshoghantuibh is lugha ag ...
ghistir, agus chuirfeas tú do dhóigh ...
Négipt fa charbaduibh agus fa ...
shluagh ?
25 An ttáinic misi a nois ...
Tighearna, a naghaidh na háite ...
milleadh ? a dubhairt an Tighearna
riom, éirigh súas a naghaidh na ...
agus mill í.
26 Ann sin a dubhairt Eliacim ...
Hilciah, agus Sebna, agus Joah re Rab-
saceh, guidhim thù, labhair red ...
fhoghantuighibh ansa teanguidh ...
anta, (óir tuigmid í) agus ná ...
rinn ansa teanguidh Júduidhe a ...
na muintire atá air an mballa.
27 Acht a dubhairt Rabsaceh ...
nar chuir mo mhaighistir misi ...
mhaighistirsi, agus chugadsa do ...
na mbriatharsa ? nach chum na ...
shuidhios air an mballa do ...
go nithid a salchar féin, agus go ...
bhfúal féin bhur bhfochairse.
28 Annsin do sheas Rabsaceh, ...
gus do éigh do ghuth árd a ...
na Nindugheadh, agus do labhair ...
rádh : éistigh focal an rígh mhóir, ...
na Hasíria.
29 Marso a deir an rígh ...
mealladh Hesteciah sibh : óir ...
ar a chumus bhur saoradh as a ...
30 Agus ná tugadh Hesteciah ...
bhur ndóigh do chur ann ...
earna, gha rádh, Saorfaidh ...
ghearna sinn go deimhin, agus ...
chodar an chathairsi a ...
Hasíria.
31 Ná tugaidh éisteacht do ...
ciah : óir is marso deir ...
Hasíria, déanuidh réiteach ...
ille re comhuidh, agus tigidh ...
gam, agus annsin itheadh gach ...
dá fhíneamhuin féin, agus ...
da chrann fíge, agus ibheadh ...
uisge a thobair féin.
32 Nó go tti misi, agus go ...
mé líom sibh a bhfearann ...
bhur ttír féin ; dúithche ...
fhíona, dúithche aráin agus fhíne...
dúithche ola chrann-ola agus ...
chor go mairfidhe, agus nach ...
sibh bás : agus ná héistidh re He...
a nuair chuirfeas sé impidhe oruibh, ...
rádh, Táirtheochaidh an Tighearna ...
33 Nar sháor día air bith ...
cineadhachuibh a dhúithche ...
rígh na Hasíria ?
34 Cáit a bhfuilid dée Hamat, ...
Arpad ? cáit a bhfuilid dée ...
bhaim, Hena, agus Ibhah ? ...
radar Samária as mo láimhsi ?

35 Cía hiad féin a measc dhée na
ttíortionn, noch do shaor a ttir as mo
láimh, as a saorfadh an Tighearna Je-
rusalem as mo láimh?
36 Acht do bhádar na daóine na
dtost, agus níor fhreagradar éanshocal
dhó: óir do bé aithne an Rígh, dha
rádh, na tugaidh freagra air.
37 Annsin thainic Eliacim mhac
Hilciah, noch do bhí os cionn an teagh-
laigh, agus Sebna an scribhneóir, a-
gus Joah mhac Asaph an cuimhnighe-
oir, go Hesfeciah gun a néadach briste,
agus do innseadar dhó briathra Rab-
saceh.

CAIB. XIX.

Isaiah Solás do Hesfeciah. 35. Do mharbh aingeal 185000 *Assirianach.*

1 Agus tárla a nuair do chúala Hesfeciah
sin, gur bhris sé a éadach, agus gur
chuir sé é féin lé saiceadach, agus do
chuaidh go tigh an Tighearna.
2 Agus do chuir sé Eliacim do bhí ós
cionn an teaghlaigh, agus Sebna an scribh-
neóir, & sinnsir na sagart a cculadhuibh
saiceadaigh go Hisaiah an fáigh,
mhac Amos.
3 Agus a dubhradar ris, is marso a
deir Hesfeciah, Is lá buaidheartha an láso,
agus mochlú agus scannla: óir thanga-
dar na chlann go ham a mbeartha, agus
ní bhfuil do neart a mbreith.
4 Do bhféidir go ccluinfeadh do Thi-
ghearna Día bríathra Rabsaceh uile,
noch do chuir Rígh na Hassiria a mháighistir
do dhaithiseadh an Dé bhí, agus
do aithbheargsadh na bríathra noch do
chúala do Thighearna Día: uimesin
tóguibh do ghuidhe ar son an nfuighill
atá fágbhadh.
5 Annsin thangadar serbhísigh an Rígh
Hesfeciah go Hisaiah.
6 Agus dubhairt Isaiah riú, abr-
uidh marso ré bhur maighistir, is mar
so a deir an Tighearna, ná bíodh eagla
ort roimhe na bríathruibh do chúala
tú, lér scannluigheadar muintir Rígh na
Hassiria misi.
7 Feach, cuirfidh misi suinnéan air-
san, agus cluinfidh sé giorac, agus
fillfidh sé dhá thigh féin, agus do
bhéara mé air tuitim leis an ccloidheamh
na thír féin.
8 Agus do fhill Rabsaceh, agus fuáir
sé Rígh na Hassiria ag cogadh a na-
ghaidh Libnah: óir do chúala sé gur
imthigh sé as Lachis.
9 Agus a nuair do chuala sé teachd
ré Thirhacah Rígh na Hetiópia
dha rádh, féach, atá sé ar tteachd a mach do throid
a naghaidh: do chuir sé teachda a rís go
Hesfeciah, dha rádh:
10 Mar so déarthaoi re Hesfeciah
Rígh Judah, gha rádh, ná meallad

do Dhía iona bhfuil do dhóthchus thú,
dha rádh, ní thiubharthar Jerusalem a
láimh Rígh na Hassiria.
11 Feach do chúala tú cred do
rinneadar Ríghthe na Hassiria ré gach
uile chrích, da lérscrios; agus an saor-
fuighthear thusa?
12 Ar shaoradar dée na geinea-
dhach an luchd do chlaóidheadar mai-
thresi; Gósan, agus Háran, agus Re-
seph, agus clann Eden, noch do bhí
ann Telasar?
13 Cáit a bhfuil Rígh Hamat, & Rígh
Arpad, agus Rígh caithreach Sephar-
bhaim, Hena, agus Ibhah?
14 Agus do ghlac Hesfeciah an litir
as láimh na tteachda, agus do léigh í.
Agus do chuaidh Hesfeciah súas go tigh
an Tighearna, agus do leathnuigh sé í a
lathair an Tighearna.
15 Agus do ghuidh Hesfeciah a la-
thair an Tighearna, agus a dubhairt, ó
a Thighearna Día Israel, noch chomh-
nuighios eidir na Cherubímibh, is tusa a-
mháin Día ríoghachd an domhuin uile, is
tú do rinne neamh agus talamh.
16 A Thighearna, crom a nuas do
chlúas, agus cluin: fosgail, a Thighear-
na, do shúile, agus féuch, agus cluin
bríathra Shennacherib, noch do chuir sé
daithiseadh an Dé bhí.
17 As fíor, a Thighearna, gur dhíb-
reádar Ríghthe na Hassiria na cin-
eadhacha agus a ndúithche,
18 Agus gur theilgeadar a ndée annsa
teine: óir níor dhée íad, achd obair
lámh daóine, crainn, agus clocha; uime-
sin do scriosadar íad.
19 A nois ar a nadhbharsin, ó a Thi-
ghearna ar Ndía, guidhim thú, saorsa
sinne as a láimh, chor go mbía a fhios
ag uile ríoghachduibh an domhuin, gur
tusa amháin an Tighearna Día.
20 Ann sin do chuir Isaiah mhac
Amos fios go Hesfeciah, gha rádh, is
marso a deir an Tighearna Día Israel,
Do chúala mé an ghuidhe do rinne tú
chugam a naghaidh Shennacherib Rígh
na Hassiria.
21 Asé so an focal do labhair an Ti-
ghearna dha thaobh, do tharcuisnigh
an mhaighdion inghean Shion thú, agus
do gháir go magamhail fúd, do chroith
inghean Jerusalem a ceann ort.
22 Cía scannluigh tú, agus do aithisigh
thú? agus cía a naghaidh ar árduigh
tú do ghuth, agus ar thóg tú súas do
shúile go hárd? eadhon a naghaidh an
naoimh naomhtha Israel.
23 Led theachduibh do aithisigh tú
an Tighearna, agus a dubhairt tú, le
híomad mo charbad tháinic mé a níos a
mulluighibh na sliabh go táobhuibh
Lebanon, agus géarrfa mé síos a crainn
árrachda Cedar, agus togha a crann
gcíumhuis: agus racha mé a steach go
lóistinibh a imill, agus go foraóis a
Charmel.

24 Do thochuil mé, agus do ibh mé
uiſceadha coimhightheacha, & le bonn
mo chos do thiormuidh mé ſúas uile
aibhne na náiteach ndaingean.
25 Nach ccúala tuſa fada ó ſhin
ciondus do rinne mé é? agus gur chum
mé é ó na ſeanaimſearuibh? annois thug
mé a gcrích é, chor go mbeitheáſa chum
déanamh ſáſuigh do chaithreachaibh
daingne, na ccárnuibh ſáſamhla.
26 Ar a nadhbharſin do bhádar a
náitreabhuigh beagchumhachdach, do
ghabh critheagal & do cláoidheadh íad,
do bhádar mar fhéur an mhachaire, &
mar an luibh ghlais, mar an bhféur ar
mhullach tighe, & mar arbhar mheathas
ſuil fháſas ſé ſúas.
27 Acht is ſios damhſa hionad comh-
nuidhe, do dhul a mach, & do theachd
a ſteach, & do bhuile am ághaidh.
28 Do bhrígh go bhfuil tú air buile am
aghaidh, & gur éirghe do chuthach ſúas
am chlúaſuibh, ar a nadhbharſin cuirfe
miſi mo dhubháin ann do ſhróin, agus mo
ſhrían ann do bhéul, & fillſe mé ar hais
thú annſa tſlighe iona ttáinic tú.
29 Agus biáidh ſo na chomhartha
agad, íoſtaoi ar an mbliadhuinſi do
na neithibh fháſas úatha féin, agus
annſa dara bliadhuin do na neithibh
fháſas aſta ſin, agus annſa treas blia-
dhuin, cuiridh ſíol, agus beanuidh, agus
plannduighidh ſíneamhna, agus ithidh
a ttoradh ſin.
30 Agus an ſuighioll rachus as do thigh
Júdah, géabhuid fós fréamh ſíos, agus
do bhéaruid toradh ſúas.
31 Oir rachaidh ſuighioll amach as
Ierusalem, & an mhéid do chúaidh as ó
ſhliabh Sion: do dhéana teasghrádh Thi-
ghearna na ſlógh ſo.
32 Ar a nadhbharſin is marſo a
deir an Tighearna a ttaoibh Rígh na Haſ-
ſiria, ní thiocfaidh ſe don chathruighſi,
agus ní chaithfidh ſé ſoighead ann, ní
thiocfaidh ſé na haghaidh le ſcéith:
agus ní theilgfidh ſe an treinnſe na
haghaidh.
33 Annſa tſlighe a ttáinic ſé,
annſa tſlighe chéadna fhillfeas ſé, agus
ní thiocfaidh ſé don chathruighſi, a deir
an Tighearna.
34 Oir cuimhdeochaidh miſi an
chathairſi dhá dídean ar mo ſhon féin, &
ar ſon mo ſhearbhſhogantuigh Dáibhi.
35 Agus tárla a noidhche ſin féin, go
ndeachuidh aingel an Tighearna amach, &
gur bhúail ſé a bhfoſlungphort na Naſ-
ſirianach céud agus ceithre fithchid
agus cúig mhíle: agus a núair do éir-
gheadar go moch ar maidin, féuch do
bhádar uile na ccorpuibh marbha.
36 Marſin do ghlúais Sennache-
rib Rígh na Haſſiria, agus dim-
thigh agus dfill ſé, agus do rinne comh-
nuigh a Ninebheh.
37 Agus tárla mar do bhí ſé ag
adhradh a ttigh Niſroch a dhé, gur
bhuáil Adrammelech agus Sarezer a
mhic, leis an ccloidheamh é, agus
theitheadar féin go crích na H...
agus do ríoghuidh Eſarhaddon a ...
iona áit.

CAIB. XX.

Fadughadh ſhaoghail Heſeciah. 14. ...
arſon a ſlaitte.

AN ſna láethibhſin do bhí He...
tinn chum báis; agus tháinig ...
fáigh Iſaiah mhac Amos chuige, ...
a dubhairt ris, is marſo a deir an T...
earna, Cuir do thigh a nórdughadh; ...
eugfuidh tú, agus ní mhairfidh tú.
2 Annſin dfill ſeiſion a aghaidh ...
mballa, agus do ghuidh ſé an Tighearna ...
gha rádh.
3 Guidhim thú, a Thighearna, cuimh...
nigh a nois mar do ſhiubhail mé ...
thair a bhfírinne, & maille re ...
iomlán, agus go ndéarna mé an ní ...
maith ad radharc; agus do ghoil He...
ciah go géur.
4 Agus tárla ſuil do chuáidh Iſaiah
amach annſa ccúirt mheadhonaigh, ...
ttáinic bríathar an Tighearna chuige,
gha rádh.
5 Fill á rís, agus innis do He...
ciah caiptín mo phobail, is marſo a
deir an Tighearna Día hathar Dháibhi,
Do chuála mé hurnaigh, agus do chonn...
airc mé do dhéara: féuch, ſlánéochaidh
mé thú; ar an treas lá rachá tú ſúas go
tigh an Tighearna.
6 Agus cuirfidh mé cúig bhliadhna
déug dfad ar do ſháoghal, agus for...
ſa mé thú féin agus an chathair a
láimh Rígh na haſſíria, agus ...
deochuidh mé an chathairſe ar mo ...
féin, agus ar ſon mo ſhearbhſhogan...
tuigh Dáibhi.
7 Agus a dubhairt Iſaiah, glac ...
fígeadh. Agus do ghlacadar, agus do
chuireadar ar an neaſcóid é, agus do
bhí ſeiſion ſlán.
8 Agus a dubhairt Heſeciah ré I-
ſaiah, Cía bhus comhartha go leighe-
ſuidh an Tighearna me, agus go ra-
chaidh mé ſúas go tigh an Tighearna an
treas lá?
9 Agus a dubhairt Iſaiah, Do gheabha
tú an comharthaſa ón Tighearna, go
ndéana an Tighearna an ní do labhair ſé;
an rachaidh an ſgáile ar aghaidh deich
gcéim, no deich gcéim air ccúl?
10 Agus do fhreagair Heſeciah, ...
ní ſúarrach don ſgáile dhul ſíos
deich ccéim: ní headh, achd filleadh
an ſgáile deich ccéim ar ais.
11 Agus do éigh Iſaiah an fáigh
chum an Tighearna, agus tug ſé an
ſgáile deich ccéim ar cúl, ann a ndea-
chuidh ſé ſíos a ndiail Ahas.
12 Fa namſin do chuir Berodach-
baladan mhac Baladain Rígh na Babilóine
litreacha agus bronntanus chum He...
ciah;

...iah; óir do chúala ſe go raibh He-
...iah tinn.
13 Agus déisd Heſeciah rió, agus
a thaisbéin dóibh tigh taisgidh a
...thoinn mórluaigh, a nairgid, agus a
...ir, agus na ſpíosradh, agus na
...ola léghmhaire, agus tigh a armála
..., agus an mhéid frith ann a ionnmhu-
...ibh: ní raibh éinni iona thigh, nó
...a thighearnus uile, nar thaisbéin He-
...ciah dhóibh.
14 Ann ſin tháinic Iſaiah an fáigh gus
an Righ Heſeciah, & a dubhairt ris,
...a dubhradar na daóineſi, & cía
... thangadar chugadſa? a dubhairt
Heſeciah, thangadar ó thír imchéin, ón
Bhabilóin.
15 Agus a dubhairt ſeiſion, cred do
chonncadar ann do thigh? agus a du-
bhairt Heſeciah, A bhfuil do neithibh
ann mo thighſe do chonncadar iad: ní
bhfuil éinni a meaſc mionnmhuis nach
ar thaisbéin mé dhóibh.
16 Agus a dubhairt Iſaiah re Heſe-
ciah, éiſt ré breithir an Tighearna.
17 Féuch, tiocfaid na laethe go
...rthar a bhfuil ann do thighſi, & ar
...readar haithre ſúas a ſtór gus a
...igh, don Bhabilóin; ní fhúigfighear
éinni, à deir an Tighearna.
18 Agus dot mhacaibh thiucfas uáit,
...ngheinfeas tuſa, béuruid ſion leó, &
... na ccaillteanachuibh a bpálas Righ
na Babilóine.
19 Ann ſin a dubhairt Heſeciah re
Iſaiah, Is maith bríathar an Tighearna,
...do labhair tuſa: & a dubhairt,
...mhaith é, má bhíonn ſíothcháin
agus fírinne ann mo laéthibhſi.
20 Agus an chuid oile do ghníomhuibh
Heſeciah, & a neart uile, & mar do
rinne ſé tobar & piópa uiſge, agus
mar thug uiſge chum na caithreach, nach
bhfuilid ſiad ſcríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Iúdah?
21 Agus do choduil Heſeciah a bhfo-
chair a aithreadh, agus do ríoghuidh
Manaſſeh a mhac iona áit.

CAIB. XXI.

Olcas Mhanaſſeh an Rí. 19 & Amon.

DO bhí Manaſſeh dhá bhliadhain
déag dáois a nuair do tho-
sigh ſé a ríghe, agus do bhí na
Righ cúig bhliadhna déug & dá fhith-
chiod ann Ieruſalem & do be ainm a
mhathar Hephſibah.
2 Agus do rinne ſé an ní ſa
holc a radharc an Tighearna, do réir
adhfhuathmhaireachd na ngeinteadh,
noch do theilg an Tighearna amach
roimhe chloinn Iſrael.
3 Oir do chuir ſé ſúas a rís na
háite árda, noch do mhill Heſeciah
a athair, agus do chuir ſé altóra ſúas
do Bhaal, agus do rinne ſé gar-
rán mar do rinne Ahab Rígh Iſrael,
agus do adhuir ſé ſlúagh neimhe, & do
rinne ſerbhís dóibh.
4 Agus do rinne ſé altóra a
ttigh an Tighearna, dá ndubhairt an
Tighearna, Ann Ieruſalem chuirſios
mé mainm.
5 Agus do chuir ſé altóra ſúas do
ſhlúagh neimhe uile, an ndá chúirt thi-
ghe an Tighearna.
6 Agus thug ar a mhac dul thríd an
tteine, agus do adhradh daimſearuibh,
agus do níodh droigheachd, agus cu-
mann ré leannánuibh ſíthe, & re luchd
faiſtine: doibrigh ſé mórán uilc a ra-
dharc an Tighearna, ler bhroſtuigh é
chum feirge.
7 Agus do ſhuighidh ſé íomháigh
ghráhhalta don gharrán do rinne ſé,
annſa tigh a ttaóibh a ndubhairt an
Tighearna ré Dáibhi, agus re Solamh
a mhac, annſa tighſi, agus ann Je-
ruſalem, noch do thogh mé as treabh-
uibh Iſrael uile, chuirſios mé mainm go
bráth.
8 Agus ní chorrócha mé coſa Iſ-
rael níos mó amach as a ndúithche
féin, noch thug mé dá naithribh, amháin
má choimhéaduid ſiad a dhéanamh do
réir a nuile dhlighe do aithin mo ſhear-
bhfhoghantuigh Maóiſe dhíobh.
9 Acht níor éiſteadarſan, agus do
tharruing Manaſſeh iad chum níos mó
dulc do dhéanamh, ná a ndéarnadar na
cineadhacha do dhíbir an Tighearna
roimhe chloinn Iſrael.
10 Agus do labhair an Tighearna
tre na ſhearbhfhoghantaibh na fáighe,
dha rádh.
11 Do bhrígh go ndéarnuidh Ma-
naſſeh Rígh Júdah na neithe adhfhuath-
mharſa, go ndéarna ſé olc ós cionn
a ndéarnadar na Hamoritigh, noch do
bhí roimhe, agus go ttug air Júdah
mar an gcéadna peacughadh le na íodh-
aluibh.
12 Ar a nadhbharſin is marſo a
deir an Tighearna Día Iſrael, féuch,
atáim ag tabhairt a leithéid ſin dulc ar
Ieruſalem, agus ar Iúdah, gidh bé ar
bith chluinfios é, go mbía fuaim iona
dhá chluáis.
13 Agus ſínfidh mé tar Ieruſa-
lem dórubha Shamária, agus plumba
(luaighe) thighe Ahab, agus cuimeol-
uidh mé Ieruſalem, mar chuimlios duine
mias, dá cumailt, agus da hiompógh
bun ós cionn.
14 Agus tréigfidh mé fuighioll moigh-
reachda, & ſeachoduigh mé a láimh a
námhad iad, & béid na ccreich, agus
na nédail agá naimhde uile;
15 Do bhrígh go ndéarnadar an ní
dob olc ann mo radharc, & gur chor-
ruigheadar chum feirge mé, ón ló fá
ttangadar a naithre amach as an Né-
gipt gus a niugh.
16 Tuilleamh oile, do dhóirt Manaſ-
ſeh fuil neimhchiontach go ro iomar-
cach,

cach, nó gur líon sé Jerusalem ón chionn
go chéile, taobh amuich dá pheacadh
lé ttug sé ar Júdah peacughadh a ndéa-
namh an neithe sa holc a radharc an
Tighearna.
17 Anois an chuid oile do ghnío-
mhaibh Mhanasseh, agus a ndéarna sé
uile, agus a pheacadh noch do pheacaidh
sé, nach bhfuilid scríobhtha a leabhar
croinice Ríogh Júdah?
18 Agus do chodusl Manasseh a bhfo-
chair a aithreadh, agus do hadhlaiceadh
a ngáirdín a thighe féin é, a ngáirdín
Ussah; agus do ríoghadh Amon a mhac
na áit.
19 Do bhí Amon dhá bhliadhuin agus
fithche daóis an tan do thosuigh se a
ríghe, agus do bhí sé na Rígh dhá
bhliadhuin ann Jerusalem: agus do bé
ainm a mhathar Mesulemet, inghean
Harus ó Iotbah.
20 Agus do rinne sé an ní dob olc a
radharc an Tighearna, mar do rinne a
athair Manasseh.
21 Agus do shiubhail sé annsna huile
shlighthibh ann ar shiubhail a athair, agus
do rinne serbhís do na hiodhaluibh dá
ndearnuidh a athair serbhís, agus do
adhair sé dhóibh.
22 Agus do thréig sé an Tighearna
Día a aithreadh, agus níor shiubhail sé
a slighe an Tighearna,
23 Agus do chumadar searbhshoghan-
tuighe Amon feall na aghaidh, agus do
mharbhadar an Rígh iona thigh féin.
24 Agus do mharbhadar dáoine na
tíre an luchd sin uile do rinne feall a
naghaidh an Rígh Amon, agus do rin-
neadar dáoine na tíre Rígh do Josiah a
a mhac na áit.
25 Anois an chuid oile do ghnío-
mhuibh Amon, noch do rinne sé, nach
bhfuilid síad scríobhtha a leabhar croi-
nice Ríogh Judah?
26 Agus do hadhlaiceadh iona thu-
ama é a ngáirdín Ussa, agus do bhí Jo-
siah a mhac na Rígh na áit.

CAIB. XXII.

Athnuadhughadh an Teampuill le sheirbhis Dé, tre chúram Josias.

DO bhí Josiah ochd mbliadhna
dáois a nuair do thosuigh a ríghe,
agus do bhí sé na Rígh aon bhliadhuin
déug ar fhithchid ann Jerusalem: agus
do bé ainm a mhathar Jedidah inghean
Adajah ó Bhoscat.
2 Agus do rinne sé an ní sa maith a
radharc an Tighearna, agus do shiubhail
sé a nuile shlighthibh a athar Dáibhi,
agus níor fhill sé do leathtaoibh ar a
láimh dheis nó ar a láimh chlé.
3 Agus tárla annsa nochdmhadh blía-
dhuin déug don Rígh Josiah, gur chuir
an Rígh, Saphan mhac Asaliah, mhic
Messullam an scríbhneóir go tigh an Ti-
ghearna, gha rádh.
4 Eirigh súas go Hilciah an
shagart, go náirimh sé an ...
gadh go tigh an Tighearna, ...
chruinnigheadar luchd coimhéada ...
doruis ón phobal.
5 Agus tugaidís a láimh luchd ...
ta na hoibre é, agá bhfuil ...
cionn thighe an Tighearna; ...
gaidíssion é don luchd oibre, noch ...
ttigh an Tighearna do ...
bhriste an Tighe.
6 Do shaóruibh crainn, agus ...
déanta an tighe, agus do ...
cloch, agus do cheannach adhmaid ...
chloch snoighte daithdheanamh ...
7 Acht cheana, ní dhéarnadh ...
7 Agus Naaman,& Ahiah, & Géra, do
athruigh sé iad sin, agus do ghein sé
Ussa, agus Ahihud.
8 Agus do ghein Saharaim [clann] a
ttir Mhóab, tar éis eision dá cur uadh;
dob iad a mhná, Hussim & Baara.
9 Agus air Hòdes a bhean do ghein
sé Jóbab, & Sibia, agus Mesa, agus
Malcham,
10 Agus Jeus, & Sachia, & Mirma;
dob iadso a mhic, cinn a naithreadh.
11 Agus air Hussim do ghein sé Abi-
tub agus Elpaal.
12 Mic Elpaal; Eber, agus Misam,
agus Samed, noch do chuir súas Ono &
Lod, gun a bhailtibh:
13 Beriah mar an ccéadna, & Sema,
noch ba cinn aithreadh áitreabhach Ai-
lon, noch do dhíbir aítreabhruigh Ghát:
14 Agus Ahio, Sasac, & Jeremot;
15 Agus Sebadiah, agus Arad, agus
Ader,
16 Agus Michael, & Ispah, agus Joha,
mic Bhériah;
17 Agus Sebadiah, & Mesullam, &
Heseci, agus Heber.
18 Ismerai fós, agus Jeslia, agus Jobab,
mic Elpaal;
19 Agus Jachim, agus Sichri, agus
Sabdi,
20 Agus Elienai, agus Siltai, agus E-
liel-
21 Agus Adaiah, agus Beraiah, agus
Simrat, mic Shimmi;
22 Agus Ispan, agus Héber, agus E-
liel,
23 Agus Abdon, agus Sichri, agus
Hanan,
24 Agus Hananiah, agus Elam, agus
Antotijah,
25 Agus Ephedeiah, agus Penuel, mic
Shassac;
26 Agus Samserai, & Sehariah,& Atali-
ah,
27 Agus Jaresiah, agus Eliah, agus
Sichri, mic Jeroham.
28 Dob iad so cinn na naithreadh, do
réir a nginealach, daoine oireadha: do
áitreabhadar so an Jerusalem.

29 Agus

29 Agus an Gibeon do aitreibh a-
thair Ghibeon (noch ar bhé ainm a
mhná Maacha.)
30 Agus an chéad mhac rugadh dhó,
Abdon, agus Sur, agus Cis, agus Baal,
agus Nadab,
31 Agus Gedor, agus Ahio, agus
Sacher,
32 Agus Miclot noch do ghein Si-
meah. Agus do chomhnuigheadar so
mar an ccéadna a bhfochair a ndear-
bhráithreach, ann Jerusalem thall as a
ccoinne.
33 Agus do ghein Ner Cis, agus do
ghein Cis Saul, agus do ghein Saul Jona-
tan, agus Malchisua, agus Abinadab,
agus Esbaal.
34 Agus mac Jonatan Merib-baal; agus
do ghein Merib-baal Micah.
35 Agus dob iad mic Mhicah Piton,
agus Melech, agus Tarea, agus Ahas.
36 Agus do ghein Ahás Jehoadah,
agus do ghein Jehoadah Alemet, agus
Asmabhet, agus Simri; agus do ghein
Simri Mósa.
37 Agus do ghein Mósa Binea; agus
dob é Rápha a mhac sin, Eleasah a
mhac sin, Asel a mhac sin:
38 Agus do bhádar seisear mac ag
Asel; ar bhiad so a nanmanna, Asri-
cam, Bocheru, agus Ismael, agus Sea-
riah, agus Obadiah, agus Hanan. Dob
iad so uile mic Asel.
39 Agus dob iad mic Esec a dhear-
bhráthair, Ulam a chéidghin, Jehus
an dara, agus Eliphelet an treas [mac.]
40 Agus do bá daóine árrachda a
naisfeidh mic Ulam, luchd caite soi-
ghead, agus do bhádar mórán mac aca,
agus clann chloinne, céad agus caogad.
Is iad so uile mic Bheniamin.

CAIB. IX.

*Curam na nSagart & na nLebbiteach. 35 Sin-
searachd Shauil.*

MAr sin do háirmheadh Israél uile
na nginealachaibh, agus féuch,
do bhádar scríobhtha a leabhar Ríogh
Israel agus Iúdah, noch do rugadh
a mbruid don Bhabilon ar son a
bpeacuidh.
2 Anois na céad áitreabhuigh do
chomhnuigh iona sealbhuibh iona cca-
threachaibh féin, do bíad na Hisrae-
litigh, na Sagairt, na Lebhitigh, agus
na Netinimigh.
3 Agus ann Jerusalem do áitreabha-
dar do chloinn Júdah. agus do chloinn
Bheniamin, agus do chloinn Ephraim
agus Mhanasseh:
4 Utai mhac Ammihud, mhic Omri,
mhic Imri, mhic Bani, do chloinn Pha-
res mhic Júdah.
5 Agus do na Silonitibh; Asaiah
an chédghin, agus a mhic.
6 Agus do mhacaibh Sérah, Jeuel
agus a ndearbhráithre, sé chéad agus
nóchad.
7 Agus do mhacaibh Benjamin;
Sallu mhac Mesullam, mhic Hodabhiah,
mhic Hasenuah,
8 Agus Ibneiah mhac Jeroham, agus
Elah mhac Ussi, mhic Michri, agus Me-
sullam mhac Sephatiah, mhic Rébhel,
mhic Ibnijah,
9 Agus a ndearbhráithre do réir a
sleachda, naói gcéad, agus cáogad, agus
seisior. Ba priomhaithre iad so uile a
ttigh a naithreadh.
10 Agus do na sagartuibh; Jedaiah,
agus Jehoiarib, agus Jachin,
11 Agus Asariah mhac Hilciah, mhic
Mesullam, mhic Sádoc, mhic Meraiot,
mhic Ahitub, úachdaran thighe Dé,
12 Agus Adajah mhac Jeroham, mhic
Passur, mhic Malchijah, agus Maasiai
mhac Adiel, mhic Jahserah, mhic Me-
sullam, mhic Mesillimit, mhic Immer,
13 Agus a ndearbhráithre, cinn thi-
ghe a naithreadh, míle agus seachd
ccéad agus trí fithchid: daóine ro ullmha
chum oibre sheirbhíse tighe an Tighearna.
14 Agus do na Lebhítibh; Semaiah
mhac Hassub, mhic Asricam, mhic
Hassabiah, do mhacaibh Meŕari,
15 Agus Bacbacar, Héres, agus Gálal,
agus Mataniah mhac Micah, mhic Sí-
chri, mhic Asaph,
16 Agus Obadiah mhac Semaiah,
mhic Gálal, mhic Jedutun; agus Be-
rechia mhac Asa, mhic Elcánah, noch
do chomhnuigh a mbailtibh na Ne-
tophatiteach.
17 Agus dob iad na doirseoirigh,
Sallum, agus Accub, agus Talmon, agus
Ahiman, agus a ndearbhráithre: do bé
Sallum a cceannphort.
18 (Noch do bhí gus a namsin ag
feithiomh a ngeata an Rígh leath shoir:)
do bhádar na ndoirseóiribh a ccuidea-
chduibh chloinne Lébhi.
19 Agus dob é Sallum mhac Córe
mhic Ebiasaph, mhic Corah, agus a
dhearbhráithre, do thigh a athar, na
Corahitigh, do bhí ós cionn oibre na
seirbhíse, na luchd coimhéada gheatadh
an tabernacuil: ar mbeith dá naith-
ribh ós cionn shlóigh an Tighearna na
ccoimhéaduigh an phóirse.
20 Agus Phineas mhac Eleásair budh
úachdaran ós a ccionn a nallód, agus
do bhí an Tighearna maill ris.
21 Agus Setariah, mhac Meselemiah
ba doirseóir do dhorus thabernacuil an
chomhchruinnigh.
22 Iadso uile noch do toghadh do
bheith na ndoirseóirighibh annsna gea-
tadhuibh. bá dhá chéad iad agus dá fhear
dhéug. Do háirmheadh iad so do réir a
nginealach iona mbailtibh; noch dó
órduigh Dáibhi, agus Samuel an féucha-
dóir, ann a noifig chinnte.
23 Mar sin do bhí acasan, agus agá
ccloinn coimhéad gheata thighe an Ti-
ghearna, thighe an tabernacuil, lé sealui-
dheachd coimhéada.

24 Do bhádar na doirseóirigh a cceithre cceathramhnuibh, shoir, shiar, budh thuaigh, agus budh dheas.

25 Agus a ndearbhráithre do bhí annsna bailtibh, do bhí orra teachd léo a ndiáigh sheachd lá ó am gó ham.

26 Oír do bhádar na Lebhitighse, na ceithre hárddhoirseóirigh iona noifig chinnte, agus do bhádar ós cionn shéomradh, agus ionnmhusa thighe Dé.

27 Agus do ghlacaidís lóistin timchioll fa ccuáirt thighe Dé, do bhrigh gurob orra do bhí an cúram, agus gur rú do bhean a fhosgladh gach maidin.

28 Agus do bhí cúram soitheach na miniostralachda ar chuid áirigh dhiobh, iondus go mbeirdís a steach agus a mach íad a nuibhir chinte.

29 Do hórduigheadh cuid díobh mar an ccéadna do choimhéad na soitheach, agus uile instruimentigh na sanctora, agus an phlúir fhinéalta, agus a nfiona, agus na hola, agus na tuíse, agus na spíosradh.

30 Agus do níodh cuid do mhacaibh na sagart a nola do na spíosruibh.

31 Agus Mattitiah áon do na Lebhítibh (noch bá céidghin do Shallum an Corahiteach) Is aige do bhí a noifig chinnte ós cionn na neitheann do níthigh sna hoighnibh.

32 Agus [cuid oile] dá ndearbhráithribh, do mhacaibh na Ccohatiteach, do bhí ós cionn a naráin thaisbéanta, dá ullmhughadh gach aon lá saóire.

33 Agus Is íadso na cantairigh, cinn aithreadh na Lebhíteach, noch do bhí annsna séomradhuibh; óir do bhádar ar siubhal san nobair sin do ló agus doidhche.

34 Na haithreacha toghthasa na Lebhiteach, siad dob onóruigh ar feadh a sleachdann; ann Jerusalem do chomhnuigheadar.

35 Agus ann Gibeon do áitreibh athair Ghibeon, Jehiel; agus do bé ainm a mhná Maacha.

36 Agus a chéidghin mhic, Abdon, annsin Sur, agus Cis, agus Baal, agus Ner, agus Nádab,

37 Agur Gédar, agus Ahio, agus Sechariah, agus Miclot.

38 Agus do ghein Miclot Simeám: agus do áitreabhadarsan mar an gcéadna a bhfochair a ndearbráithreach ann Ierusalem, thall as coinne a ndearbhraithreach.

39 Agus do ghein Ner Cis, agus do ghein Cis Saul, agus do ghein Saul Jonatan, agus Malchisua, agus Abinadab, agus Esbaal.

40 Agus do bé mac Jonatain Meribaal, agus do ghein Meribaal Mícah.

41 Agus dob íad mic Mhicah Piton, agus Mélech, agus Tahreá, & Ahas.

42 Agus do ghein Ahas Járah, agus do ghein Járah Alemet, agus Asmabhet, agus Simri: agus do ghein Simri Mósa.

43 Agus do ghein Mósa Bineá, agus Rephaiah a mhac sin, agus Eleásah a mhac sin, Asel a mhac sin.

44 Agus do bhádar seisear mac ag Asel, ar bhíad so a nanmanna, Asricam, Bocheru, agus Ismael, agus Shéariah, agus Obadiah, agus Hánan: do bhí íad so mic Asel.

CAIB. X.

Bás, ⁊ Adhlacadh Shauil.

ANois do throideadar na Philistinigh a naghaidh Israel, agus do theitheadar fir Israel roimhe na Philistinibh, agus do thuiteadar sios marbh a sliabh Gilboa.

2 Agus do leanadar na Philistinigh go cruáidh a ndiaigh Shauil, agus a ndiáigh a mhac, agus do mharbhadar na Philistinigh Jonatan, agus Abinadab, agus Malchisua, mic Shauil.

3 Agus do chuaidh an cath go docrach a naghaidh Shauil, agus do bhuáileadar luchd caithte bogha é, agus do goineadh leis na soigheadóiribh é.

4 Ann sin a dubhairt Saul le fear iomchartha a airm, Tarruing do chloidheamh, agus cuir thriom é; deagla go ttiucfaidís na neimhthimhchillghearrthaso, agus go maisleochaidís mé. Achd níor bháill lé fear iomchartha a airm sin do dhéanamh, óir do bhí eagla mhór air. Mar sin do ghlac Saul cloidheamh, agus do thuit sé air.

5 Agus a nuair do chonnairc fear iómchair a airm go raibh Saul marbh, do thuit sé féin mar an gcéadna air a gcloidheamh, agus déug sé.

6 Marsin déug Saul, agus a thrí mac, agus déug a thigh uile a naoinfeacht.

7 Agus a nuáir da chonncadar fir Israel uile, noch do bhi san ghleann, gur théitheadar, agus gur éug Saul agus a mhic, annsin do thréigeadarsan a ccaithreacha, agus do theitheadar, agus thangadar na Philistinigh, agus do áitreabhadar ionnta.

8 Agus tárla ar na mhárach a nuair thangadar na Philistinigh dfaghbhadh na marbh, go bhfúaradar Saul agus a mhic marbh a sliabh Gilboa.

9 Agus a nuáir do fhaghbhadar é do ghlacadar a cheann, agus a arm, agus do chuireadar [teachda] go crich na Bhphilistineach fá ccúairt, do thabhairt scéul dá niodhaluibh agus do na daóinibh.

10 Agus do chuireadar a arm a ttigh a ndeé, agus do dhaingnigheadar a cheann a tteampall Dágon.

11 Agus a nuáir do chúaladar muintir Jabesgilead uile, gacha ndearnadar na Philistinigh re Saul;

12 Déirgheadar na daóine cumhachta uile, agus rugádar corp Shauil leó, agus corp

cuirp a mhac, agus thugadar go Jábes iad, agus do adhlaiceadar a ccnámha fíoi an darúigh ann Jábes, agus do throisgeadar seachd lá.

13 Mar sin déug Saul ar son a pheacaidh, noch do rinne sé a naghaidh an Tighearna, eadhon a naghaidh bhreithre an Tighearna, nar coimhéad sé; agus mar an ccéadna do chionn comhairle díarruidh ar aon agá raibh leannán sithe, dfiafruighe dhé;

14 Agus nar fhiafruigh sé don Tighearna: uime sin do mharbh sé é, agus do impóigh sé an rioghachd chum Daibhi mhac Jesse.

CAIB. XI.

Toghe Dhaibhi le Hisrael. 11 *Fir chalma Dhaibhi.*

ANsin do chrunnigheadar Israel uile íad fein chum Dáibhi go Hebron, ga rádh, féuch, Is sinne do chnáimh agus thseóil.

2 Agus ós a chionn sin, a nallód, eadhon a nuáir do bhí Saul na Rígh, is tusa an té do threóruigheadh a mach, agus do bheireadh a steach Israel: agus a dubháirt do Thighearna Día riot, beathochuidh tú mo phobal Israel, agus biáidh tú ad riaghluigheóir ós cionn mo phobuil Israel.

3 Ar a nadhbharsin thangadar sinnsir Israel uile chum an Rígh go Hébron, agus do rinne Dáibhi cunnradh ríu ann Hébron a lathair an Tighearna, agus do ungadar Dáibhi na Rígh ós cionn Israel do réir bhréithre an Tighearna re Samuel.

4 Agus do chuáidh Dáibhi, agus Israel uile go Hierusalem, sé sin Jebus, mar a rabhadar na Jebusitigh, dúthchusaigh na tíré.

5 Agus a dubhradar dúthchusaigh Jebus re Dáibhi, Ní thiucfa tú annso. Gidheadh do ghabh Daibhi caislean Sion, is é sin cathair Dháibhi.

6 Agus a dubhairt Dáibhi, gidh bé bhúailfios na Jebusitigh ar ttús, sé bhus ceann agus captin; mar sin do chuáidh Joab mhac Séruiah súas, agus do bhí sé na uachdarán.

7 Agus do áitreibh Dáibhi annsa chaislean: uime sin, thugadar cathair Dháibhi dainm air.

8 Agus do chuir sé an chathair súas timchioll fá ccúairt, eadhon ó Mhillo fá ccúairt, agus do leasuigh Joab an chuid oile don chathruigh.

9 Marsin do fhas Dáibhi nios mó agus nios mó: óir do bhí Tighearna na Slógh ris.

10 Isiad so mar an gcéadna togha na ndáoine neartmhara, do bhi ag Dáibhi, noch do neartuigh íad fein leis annsa rioghachd, agus lé Hisrael uile, do dhéanamh Rígh dhé, do reir bhréithre an Tighearna a ttáoibh Israel.

11 Agus siad uibhir na bhfear ccalma do bhí ag Dáibhi; Jasobeam an Hachmoniteach, ceann na ccaiptineadh: do thóg sé súas a ghath a naghaidh na ttrí ccéud do marbhadh leis a néintheachd.

12 Agus na dhiaighsion Eleasar mhac Dodo an Tahotiteach, noch bá áon don triúr curadh.

13 Do bhí sé a bhfhochair Dháibhi ann Pas-dammim, agus do chruinnigheadar na Philistinigh a gcionn a chéile annsin chum chatha, mar a raibh preabán fearuinn lán deórna, agus do theitheadar an pobal roimhe na Philistinibh.

14 Agus do shuigheadarsan íad féin a lár an phreabain sin, agus do thárthuigheadar é, agus do mharbhadar na Philistinigh: agus do thárthuigh an Tighearna íad lé slánughadh mór.

15 Anois do chuáidh triúr don tríochad caiptín síos go carruig Dháibhi, go húamhaigh Adullam, agus do shuigheadar slúagh na Bhphilistineach a ngleann Rephaim.

16 Agus do bhí Dáibhi annsin annsa ccaislean, agus do bhí garíson na Bhphilistineach annsin a Mbet-lehem.

17 Agus do bhí mían ar Dháibhi, & a dubhairt sé, oh nach bhfuil duine agum do bhéuradh dhamh deoch uisge thobair Bhet-lehem, noch atá ag an ngeata.

18 Agus do bhriseadar an triúr tré shlúagh na bhphilistineach, & do thairrngeadar uisge as tobár Bhet-lehem, noch do bhí láimh ris an ngeata, agus do ghlacadar é, agus thugadar chum Dáibhi é: achd níor bháill lé Dáibhi a ól, achd a dhórtadh amach don Tighearna.

19 Agus a dubhairt sé, nár léigidh mo Dhía dhamhsa go ndéanuinn an ní so, a nólfa misi fuil na muintiresi, do chuir a nanam a ccuntabhairt? óir le [guáis] a mbáis thugadar leó é, uimesin níor bháill leis a ól. Do rinneadar an triúr so fa neartmhuire na neithesi.

20 Agus ba hé Abisai dearbhrathair Joab ba oireaghdha don triúr; óir ar ttógbháil a ghath súas dó a naghaidh thrí ccéad, do mharbh sé íad, agus fúair sé ainm a measg an triúir.

21 Don triúr, bá honóruigh é na an dias, óir do bé a ccaiptin é; ar a shon sin ní ráinic sé an [céad] thriúr.

22 Benaiah mhac Jehoiada, mac duine nearthmhuir do Chabseel, noch do rinne iomad gníomhradh, do mharbh sé días fear leomhanta do Mhóab: do chúaidh sé síos mar an ccéadna & do mharbh sé leomhan á cclais ghainimh lá sneachda.

23 Agus do mharbh sé Egipteach, duíne ann a raibh cúig cubhaid ar airde, agus gath a láimh a Négiptigh mar gharmuin sigheadóra: agus do chuáidh sé síos chuige lé bata, agus do tharruing an gath as láimh an Négiptigh, agus do mharbh é le na ghath féin.

24 Do rinne Benaiah mhac Jehoiada na neithesi, agus fúair ainm eidir an ttriúr bá neartmhuire.

25 Féuch, do bhi sé onórach a measg an tríochuid, achd ní ráinic sé an céaidtriúr ; agus do chuir Dáibhi ós cionn a gharda é.

26 Mar an ccéadna do biad daóine neartmhara na slúagh, Asahel dearbhrathair Joab, Elhanan mhac Dódo ó Bhetlehem,

27 Sammot an Harariteach, Héles an Peloniteach.

28 Ira mhac Icces an Tecoiteach, Abieser an Tantótiteach.

29 Sibbecai an Husatiteach, Ilai an Tahoiteach,

30 Maharai an Netophatiteach, Héled mhac Baanah an Nétophatiteach.

31 Itai mhac Ribai ó Ghibeah chloinne Benjamin, Benaiah an Piraponiteach.

32 Hurai ó aibhnibh Gaash, Abiel an Tarbatiteach,

33 Asmabhet an Baharumiteach, Elihaba an Saalboniteach,

34 Mic Hassem an Gisoniteach, Jonatan mhac Shage an Harariteach,

35 Ahiam mhac Sacar an Harariteach, Eliphal mhac Ur,

36 Hépher an Mecheratiteach, Ahijah an Peloniteach,

37 Hesro an Carmelitéach, Naarai mhac Esbai,

38 Joel dearbhrathair Natan, Mibbar mhac Haggeri,

39 Selec an Tammoniteach, Naharai an Berotiteach, fear iomchair airm Joab mhic Seruiah,

40 Ira an Titriteach, Gáreb an Titriteach.

41 Uriah an Hititeach, Sabad Mhac Ahlai,

42 Adina mhac Sisa an Reubeníteach, caiptin do no Reubeníteachaibh, agus tríochad maille ris,

43 Hanan mhac Maacah, agus Iosaphat an Mitniteach,

44 Ussiah an Tasteratiteach, Seama agus Jehil, mic Hótan an Taroeríteach,

45 Iediael mhac Simri, agus Ioha a dhearbhrathair, an Tisiteach.

46 Eliel an Mahabhiteach, agus Ieribai, agus Iosabhiah, mic Elnaam, agus Itmah an Moabiteach,

47 Eliel, agus Obed, agus Iasiel an Mesobaiteach.

C A I B. XII.

An sluagh do lean Daibhi go toileamhla.

ANois iad so thainic go Dáibhi go Siclag, anseadh do bhí sé fós da cheilt féin, ar eagla Shauil mhic Cis : agus do bhádar a measc na ndáoine neartmhara, luchd cuidigh an chogaidh.

2 Do bhádar armthá ré boghaibh, agus do bhádar cliste ar a láimh dheis agus chlé, ag caitheamh cloch agus soighead as bogha ; do bhráithribh Shauil, agus chloinne [illegible]

3 Sé Ahieser dob oirdhearca [illegible] annsin Ioas, mic Shemaiah an [illegible] titeach, agus Iesiel, agus Pelet, [illegible] Asmabhet, agus Berachah, agus [illegible] Tantotiteach,

4 Agus Ismaiah an Gibeoniteach, [illegible] ine neartmhar a measg an [illegible] agus ós chionn an tríochaid, agus [illegible] miah, agus Iahasiel, agus Iohanan, [illegible] Iosabad an Gederatiteach,

5 Elusai, agus Ierimot, agus [illegible] agus Semariah, agus Sephatiah an [illegible] ruphiteach,

6 Elcanah, agus Iesiah, agus [illegible] reel, agus Ioeser, agus Iasobeam [illegible] Corítigh,

7 Agus Ioelah, agus Sebadiah, [illegible] Ieroham ó Ghédor.

8 Agus do dhealuigheadar cuid do [illegible] Gadítibh íad féin chum Dáibhi [illegible] an daingion ann sa bhfásach, [illegible] cálma agus luchd coguidh, [illegible] bhaidh chum catha, dar bhéd [illegible] agus buiciler do ghlacadh ; a [illegible] the amhuil aighthe leomhan, [illegible] comhlúath ris na heilitibh ar [illegible]

9 Eser an chéad duine, [illegible] dara, Eliab an treas [fear,]

10 Mismannah an ceathramhadh, [illegible] remiah an cúigeadh.

11 Atai an seiseadh, Eliel an [illegible] mhadh,

12 Iohanan an tochdmhadh, [illegible] an náomhadh,

13 Ieremiah an deachmhadh, [illegible] banai an táonmhadh déag.

14 Do chloinn Ghad iad [illegible] nigh an tslóigh : do bhí an té [illegible] dhíobh ós cionn chéad, agus an té [illegible] mó ós cionn mhíle.

15 Is íad so chuáidh tar Jordan [illegible] san chéid mhí, a nuair do [illegible] thuile tar a bhrúachaibh uile, [illegible] chuireadar chum teithmhe [illegible] ngleann uile, aráon don noirthear [illegible] don níarthar.

16 Agus thangadar do chloinn [illegible] jámin, agus do chloinn Júdah [illegible] ndaingean go Dáibhi.

17 Agus do chuáidh Dáibhi [illegible] na ccoinne, agus do fhreagair, [illegible] dubhairt sé riú, ma thangabhair [illegible] gamsa go síothchánta do chongnamh [illegible] om, biáidh mo chroidhe snadhmtha [illegible] achd más dom bhrath dom [illegible] thangabhair, ó nach bhfuil éagcóir ar [illegible] am lámhuibhsi, go bhféuchuidh Día [illegible] naithreadh airsin, & go sprecagúidh [illegible]

18 Ann sin tháinic an spiorad go [illegible] masai, an tí dob oireagha do na [illegible] tinibh, agus a dubhairt, Is [illegible] sinne, a Dháibhi, agus ar do tháobh [illegible] maoid] a mhic Jesse : síothcháin [illegible] riot, agus síothcháin dot luchd [illegible] digh : óir atá do Dhía ag [illegible] leachd. Annsin do ghabh Dáibhi [illegible] íad, agus do rinne dhíobh caiptínigh [illegible] an mbuidhin.

19 Agus

19 Agus do thuit cuid do Mhanasseh
chum Dáibhi an tan tháinic sé leis na
Philistinibh a naghaidh Shauil chum
catha, achd níor chungadar leó ; óir do
chuireadar tighearnuidh na Bhphlisti-
neach, do bhun comhairle, ar siubhal é,
gha radh, fillfidh sé chum a mhaighi-
stir Saul, re cunntabhart ar cceanne.
20 Mar do chuáidh sé go Siclag, dfill
chuige do Mhanasseh, Adnah, agus
Jozabad, agús Jediael, agus Michael,
agus Jozabad, agus Elihu, agus Siltai,
caiptínigh na míltеadh do bhi [ó] Mha-
nasseh.
21 Agus do chuidigheadár lé Dáibhi
maille re buidhin : óir do bhádar uile
na ndáoinibh curata a mbeódhachd,
agus na ccaiptinibh annsa tsluagh,
22 Oír san namsin lá air lá, do thi-
gadh go Dáibhi do chongnamh ris,
nó go raibh na shluágh mhór cos-
mhuil re sluágh Dé.
23 Agus Is iad so uibhir na mban-
nadha, noch do bhí réidh armtha chum
cogaidh, agus tháinic go Dáibhi go He-
bron dfilleadh ríoghachda Shauil chuige,
do reir bhréithre an Tighearna.
24 Do chloinn Júdah, dar iomchair
sciath agus gath, sé mhíle agus ochd
ccéad réidh armtha cum cogaidh.
25 Do chloinn Shimeoin dáoine cu-
mhachdacha a ngaisgidh chum cogaidh,
seachd míle agus céad.
26 Do chloinn Lébhi ceithre mhíle
agus sé chéad.
27 Agus do bé Jehoiada ba ceann ar
na Haaroníteachaibh, agus trí mhíle
agus seachd gcéad maille ris.
28 Agus Sadoc duine óg, láidir a nga-
isgidh, agus dhá chaiptín agus fithche
do thigh a athar.
29 Agus do chloinn Bhenjamin do
chinéad Shauil trí mhíle : óir go nuige so
[illegible] ar chuid bá mó dhíobh do choi-
mhéadadh tigh Shauil.
30 Agus do chloinn Ephraim fithche
míle agus ochd ccéad, dáoine neartmhara
[illegible] ar fеadh thighe a naithreadh.
31 Agus do leiththreibh Mhanas-
seh ochd míle déag, noch do foillsi-
ghеadh na nainm, do theachd agus
Rígh dhéanamh do Dháibhi.
32 Agus do chloinn Issachar, agá raibh
tuigsi air na haimsearuibh, dá fhios cred
[illegible] do chloinn Israel do dhéanamh :
do budh dhá chéad a ccinn, agus do
bhádar a ndearbhbráithre uile ar a ttoil.
33 Do Shebulun an mhéid do chuáidh
amach chum catha, eólach a ccogadh,
maille rís a nuile ionstruiment choguidh,
caogad míle, dar bhéol dul á nordu-
ghadh, do chroidhe iomlán.
34 Agus do Naphtali míle caiptín,
agus maille leó go sceith agus go ngath,
triochad agus seachd míle.
35 Agus do na Danitibh, eólach
a ccogadh, ochd míle fhithciot agus
sé chéad.
36 Agus do Asser do dhaóinibh do
thiaghadh amach chum catha, foghlom-
tha a ccogadh, ceathrachad míle.
37 Agus don táobh oile do Jordan do
na Reubinitibh, agus do na Gaditibh,
agus do leththreibh Mhanasseh maille ris
a nuile ionstruimint chogaidh chum ca-
tha, céad agus fithche míle.
38 Thangadar a raibh annso dfearuibh
cogaidh do shanadh a nordughadh ma-
ille ré croidhe iomlán, go Hébron do
dhéanamh Rígh do Dháibhi ós cionn
Israel uile : agus do bhádar an chuid
oile Disrael mar an ccéadna déantoil do
dhéanamh Rígh do Dháibhi.
39 Agus do bhádar annsin a bhfo-
chair Dháibhi trí lá ag ithe agus ag ól :
óir do ullmhuigheadar a ndearbhrái-
thre na ccoinne.
40 Os a chionn sin, an mhéid do
bhí a bhfogus dóibh, eadhon go nuige
Issachar agus Sebulun, agus Naph-
tali, thugadar leó ar assaluibh agus
ar chámhalluibh, agus ar mhúillibh,
agus ar dhamhuibh, arán, agus bíadh,
min, cacadha fige, agus ceanglácháin
risin, agus fíon, agus ola, agus daimh,
agus caóirigh go lór : óir do bhí luath-
ghair a Nisrael.

CAIB. XIII.

*Tug Daibhi an Airc ó Chiriat-jéarim. 9 Mio-
thapadh Ussa.*

AGús do rinne Dáibhi comhairle re
caiptínibh na míltеadh, agus na
ccéad, agus ré gach áon oifigeach.
2 Agus a dubhairt Dáibhi ré comh-
chruinniughadh Israel uile ; má chítear
dháoibhsi gur maith é, agus gurab ó ar
TTighearna Día é, cuiream sgéula úainn
go soirleathan, chum ar ndearbhbráith-
reach do fagbhadh a ttír Israel uile, agus
maille riú mar an gcéadna chum na
sagart, agus na Lebhiteach, noch atá
iona mbailtibh, go ccruinnidis iad féin
chugainn.
3 Agus tugamaoid a rís Airc ar Ndé
chuguinn : óir níor fhiafruigheamar dhí
ó laéthibh Shauil.
4 Agus a dubhradar an comhchruin-
niughadh go ndéanaidís sin ; óir do budh
ceart an ní a súilibh na ndáoine uile.
5 Marsin do chruinnigh Dáibhi Is-
rael uile a ccionn a chéile ó Shihor na
Hegipte go dul a steach Hemat, do tha-
bhairt Airce Dé ó Chiriat-jarim.
6 Agus do chuáidh Dáibhi súas,
agus Israel uile go Baalah, eadhon
go Ciriat-jarim, noch fa le Judah, do
thabhairt Airce an Tighearna Dé as sin,
noch chomhnuigheas eidir na Cheru-
nibh, a ngoirthear a ainm air.
7 Agus do iomchradar Airc Dé a
ccairt núaidh amach as tigh Abinadab ;
agus do thiomáin Ussa agus Ahio an
chairt,
8 Agus do bhí Daibhi agus Israel uile
ag urghairdiughadh maille re na nui-
le

le chumas, agus lé duánuibh, agus lé
ccáirseachaibh, agus lé saltrachaibh, agus
lé tiompanuibh, agus lé hadhbhuibh ciúil,
agus lé stocaibh.
9 Agus an tan thangadar go hurlár
buailte Chidon, do chuir Ussa a lámh
amach do chongmháil na Háirce: óir
do chroitheadar na daimh í.
10 Agus do las fearg an Tighearna
a naghaidh Ussa, agus do bhuail sé é,
do chionn a láimhe do chur chum ná
Háirce: agus fuáir sé bás ann sin a bhfi-
aghnuise Dé.
11 Agus do bhí doilghios air Dháibhi
do chionn an Tighearna do bhriseadh
air Ussa: uimesin goirthear Peres-Ussa
do náit sin gus a niugh.
12 Agus do bhí eagla Dé ar Dháibhi
an lá sin, gha rádh, cionnus bhéarus misi
Airc an Tighearna don bhaile chugam?
13 Mar sin ní thug Dáibhi a Nairc
don bhaile chuige féin go cathruigh Dhá-
ibhi, achd rug sé do leathtaoibh í, go
tigh Obed edom an Gititeach.
14 Agus dfan Airc Dé ag muintir
Obed-edom iona thigh trí mhí. Agus
do bheannuigh an Tighearna tigh Obed-
edom agus a raibh aige.

CAIB. XIV.

Caruid, 4 Clann, 8 ⁊ buáidh Dháibhi.

ANois do chuir Hiram Rígh Tíor tea-
chda go Dáibhi, agus adhmad
cédair maille re saoruibh cloiche agus
croinn, do chur tighe suas dó.
2 Agus do thuig Dáibhi gur dhaing-
nigh an Tighearna é na Rígh ós cionn
Israel: óir do tógbhadh a ríoghachd
suas go hárd ar son a pobail Israel.
3 Agus thug Dáibhi tuilleamh ban
(chuige) ann Jerusalem; agus do ghein
Dáibhi tuilleamh mac agus inghean.
4 Anois is iad so anmanna a chloinne
fuáir sé ann Jerusalem: Sammua, agus
Sóbab, Nátan, agus Solamh,
5 Agus Ibbar, agus Elisua, agus
Elpalet.
6 Agus Nóga, agus Népheg, agus
Japhia.
7 Agus Elisáma, agus Beeliada, agus
Eliphalet.
8 Agus a núair do chúaladar na
Philistinigh gur hungadh Dáibhi na Rígh
ós chionn Israel uile, do chúadar na
Philistinigh uile súas diarruidh Dháibhi:
agus do chúaluidh Daibhi sin, agus do
chuáidh sé amach na naghaidh.
9 Agus thangadar na Philistinigh,
agus do leathnuigheadar iad féin a
ngleann Rephaim.
10 Agus dfiafruigh Dáibhi do Dhía,
dha rádh, an racha mé súas a naghaidh
na Bhphilistineach? agus an seachoduigh
tusa am láimh iad? agus á dubhairt an
Tighearna ris, imthigh súas; óir do
bhéara mé ad láimh iad.
11 Mar sin thangadar súas go Baal-
perasim, agus do bhúail Dáibhi ann [illegible]
iad. Annsin a dubhairt Dáibhi, do bhris
Día a steach ar mo námhaid lem láimh-
si, amhuil briseadh amach na nuisgeadh:
ar a nadhbharsin do ghoireadar Baal-
perasim dainm do náitsin.
12 Agus a nuair do fhágbhadar a
ndeé annsin, thug Dáibhi aithne iadh,
agus do loisgeadh re teine iad.
13 Agus do leathnuigheadar iad féin
fós a rís amuigh annsa ghleann.
14 Uimesin dfiafruigh Dáibhi a rís
do Dhía, agus a dubhairt Día ris, ni
himthigh súas na ndiaigh, fill uatha,
agus tarr orra thall as coinne chrann
na sméur.
15 Agus is amhluidh bhías, an tan
chluinfios tú torann siubhail a mbárr
chrann na sméur, annsin racha tú amach
chum catha: óir do chuaidh Día rom-
mhad amach, do bhúaladh slóigh na
Bhphilistineach.
16 Uimesin do rinne Dáibhi mar do
aithin Día dhe: agus do bhúaileadar
slúagh na Bhphilistineach ó Ghibeon ar
fad go Gáser.
17 Agus do chuáidh Dáibhi amach a
na críochuibh uile, agus thug an Tigh-
earna a eagla air gach uile chrích.

CAIB. XV.

Daibhi, aoibhneach roimhe an Airc, ⁊ a na dhísbeagadh le Michal.

AGus do rinne Dáibhi tighthe dhó
féin a ccathruigh Dháibhi agus do
mhaigh sé áit Dairc Dé, agus do [illegible]
dhigh sé lóistin di.
2 Annsin a dubhairt Dáibhi, ní
cóir déanduine Airc Dé iomchar achd
do na Lebhitibh: óir is iad do [illegible]
an Tighearna diomchat Airce Dé, ⁊ do
dhéanamh miniostralachd dhó go [illegible],
3 Agus do chruinnigh Dáibhi Israel
uile a ccionn a chéile go Hierusalem, do
thabhairt Airce an Tighearna [illegible]
hait, noch do ullmhuigh sé roimpe.
4 Agus do chruinnigh Dáibhi clann
Aáron, agus na Lebhítigh.
5 Do mhacaibh Cohat; Uriel a
cceann, agus a dhearbhráithre, céad agus
fithche.
6 Do mhacaibh Meríri; Asaiah a
cceann, agus a dhearbhráithre, dhá
chéad agus fithche.
7 Do mhacaibh Gersom; Joel a
cceann, agus a dhearbhráithre, céad agus
tríochad.
8 Do mhacaibh Elisaphan; Sem-
iah a cceann, agus a dhearbhráithre,
dhá chéud.
9 Do mhacaibh Hebron; Eliel a
cceann, agus a dhearbhraithre, ceithre
fithchid.
10 Do mhacaibh Ussiel; Amminadab
a cceann, agus a dhearbhraithre, céad
agus dhá fhear dhéag.
11 Agus do ghoir Dáibhi air Shádoc
agus air Abiatar, na sagairt, agus
air

air na Lebhítibh, air Uriel, Aſaiah, agus
Joel, Semajah, agus Eliel, agus Ammina-
dab.
12 Agus a dubhairt ſé riú, is ſibhſi
cinn aithreach na Lebíteach: náomhaidh
ſibh féin, agus bhur ndearbhráithre, go
tugadh ſibh a nios airc an Tighearna
Día Iſrael, gus [a náit] do ullmhuigh
mé dhi.
13 Oír do bhrígh nach déarnabhair
é an chéad uáir, do rinne an Tighearna
briſeadh oruinn, do chionn nar iarramar
é mar budh choír.
14 Marſin do náomhadar na ſa-
gairt agus na Lebhítigh iad féin, do
thabhairt Airce an Tighearna Día Iſrael
ſuas.
15 Agus do iomchradar clann na
Lebhíteach Airc Dé air a nguáillibh, gun
a maideadhuibh uirre, mar do aithin
Maoiſe do réir bhreithre an Tighearna.
16 Agus do labhair Dáibhi ré hùachda-
ránaibh na Lebhíteach, a ndearbhráithre dór-
dughadh do bheith na luchd ceóil air
inſdrumentuibh ciúil, air ſhaltrachuibh,
agus chlairſeachuibh, agus chimbaluibh,
ag déanamh fuaime re tógbháil gotha ós
árd le luathgháir.
17 Marſin do órduigheadar na Le-
bhítigh Héman mhac Joel: agus da
dhearbhráithribh, Aſaph mhac Bere-
chiah: & do mhacuibh Merári a ndear-
bhráithre, Etan mhac Cuſajah.
18 Agus maille leó, a ndearbhráithre
don dara hórd, Sachariah, Ben, & Iaaſiel,
agus Semiramot, & Iehiel, agus Unni,
Eliab & Benajah, & Maaſeiah, & Matti-
tiah, agus Eliphaleh, agus Micn-
iah, agus Obed-edom, agus Jeiel na
dóirſeoirigh.
19 Marſin do hórduigheadh an luchd
ceóil, Héman, Aſaph, agus Etan, do
ſheinm ar chimbaluibh umha.
20 Agus Sachariah, & Aſiel, & Semi-
ramot, & Jehiel, & Unni, & Eliab, &
Maaſiah, agus Benajah, air ſhaltrachaibh
air Alamot;
21 Agus Mattitiah, & Eliphaleh, agus
Micniah, & Obed-edom, & Jeiel, agus
Azaſiah, maille re cláirſeachaibh ar an
Seminit, do ſhárughadh.
22 Agus do bé Chenajah ceann na
Lebhíteach do bhí chum cantuighe: a
ſé do theagaiſc timchioll an cheóil, mar
do bhí ſé eólach.
23 Agus do bhí Berechiah, & Elca-
nah na ndóirſeoiribh ag an Airc.
24 Agus Sebaniab, agus Jehoſa-
phat, agus Netaneel, agus Amaſai, agus
Sachariah, agus Benajah, agus Elieſer
na Sagairt, do ſhéideadar ſtuic roimhe
Airc Dé: agus do bé Obed-edom,
agus Iehiah budh coimhéaduighe dhoruis
don Airc.
25 Marſin do chuaidh Dáibhi agus
ſinnſir Iſrael, agus Caiptinigh na mil-
teadh do thabhairt Airce chunnartha an
Tighearna ó thigh Obed edom maille
ré gáirdeachus.
26 Agus tárla a nuair do éattro-
muidh Dia na Lebhitigh, noch do iom-
chair Airc chunnartha an Tighearna,
gur ofraladar ſeachd mbulóga & ſeachd
reithe.
27 Agus do bhí Dáibhi ar na éadu-
ghadh le Róba do línéadach ſhinealta,
agus na Lebhitigh uile do iomchuir an
Airc, agus an luchd ceóil; agus Che-
naniah maighiſtir an cheóil maille ris a
naós ceóil; agus do bhí ar Dháibhi mar
an ccéadna Ephod línéaduigh.
28 Marſo thug Iſrael Airc chunnar-
tha an Tighearna leó maille re gárr-
thuibh, agus lé fuaim an bhúabhuill, agus
le ſtocaibh, agus le Cimbhaluibh, ag
déanamh comhghotha lé ſaltrachaibh, &
le cláirſeachaibh.
29 Agus tárla an tan tháinic Airc
chunnartha an Tighearna go cathruigh
Dháibhi, ar mbeith do Mhichal inghean
Shauil ag féuchuin amach air fuinneóig,
go bhfacuidh ſi Dáibhi Rígh ag damhſa
agus ag ſúgradh; agus do tharcuiſnigh
ſi é iona croidhe.

CAIB. XVI.

An Airc ar na cur ina lóiſtin féin, 7 do chanadar an 105 & 69 Pſalm.

Marſin thugadar leó Airc De, agus
do ſhuigheadar í a lár an lóiſtin
do chuir Dáibhi na ſheaſamh dhi: agus
dofráladar ofráil loiſge agus ofráil ſhí-
óthchána a bhfiadhnuiſi Dé.
2 Agus a nuair do chríochnuigh Dái-
bhi íodhbuirt na hofrála loiſge, agus na
hofrála ſíothchana, do bheannuigh ſe an
pobal a nainm an Tighearna.
3 Agus do roinn ſé air gach éanduine
Diſrael idir ſhear agus mhnáoi, do gach
áon aca bairghin aráin & ſpodhla maith
feóla, agus ſlaigín ſíona.
4 Agus dórduigh ſé Lebhitigh áirigh
do mhinioſtralachd a lathair Airce an
Tighearna, agus do chuimhniughadh, &
do mholadh, & do thabhairt buidhea-
chuis ris an Ttighearna Día Iſrael:
5 Aſaph an tuachdarán, & na dhiaigh
ſin Sachariah, Jeiel, & Semiramot, &
Jehiel, agus Mattitiah, agus Eliab, agus
Benajah, agus Obed-edom: agus Jeiel
maille le ſaltrachaibh, agus le clair-
ſeachaibh: achd do níodh Aſaph fuaim
lé cimbaluibh.
6 Benajah mar an ccéadna, agus Jaha-
ſiel, na ſagairt maille re ſtocaibh a
ccomhnuidhe as coinne Airce chunnartha
an Tighearna.
7 Ann ſin, ſan ló ſin féin, do thug
Dáibhi an cheaduair an Salmſa do tha-
bhairt buidheachuis ris an Ttighearna, a
láimh Aſaph & a dhearbhráithreach.
8 Tugaidh buidheachus don Tighear-
na, goiridh ar a ainm, foillſighidh a
ghníomhartha a meaſg an phobuil.
9 Cánuidh dhó, canuidh Sailm dhó,
agus labhruidh air a oibrighibh iongan-
tacha uile.

10 Déanuidh

10 Déunuidh glóir iona ainm naómh-
tha, bíodh gáirdeachus ar chroidhthibh
na ndáoine iarrus an Tighearna.
11 Iarruidh an Tighearna & a neart,
iarruidh a ghnúis a ccomhnuidhe.
12 Cuimhnighidh a oibreacha iongan-
tacha do rinne sé, a ionganta, agus a
bhreitheamhnuis.
13 O a shliochd Israel a sherbhíṡighsion,
a chlann Jácob, a dhaoine toghtha.
14 A sé so ar Ttighearna Día, ataid a
bhreitheamhnuis air feadh an domhuin
uile.
15 Bithi cuimhneach a ccomhnuidhe
air a chunnradh, an focal do aithin
sé do mhíle ginealach.
16 Eadhon air an ccunnradh do
rinne sé re Hábraham, agus air a mhi-
onnuibh do Isaac.
17 Agus do dhaingnigh se sin do Jacob
mar dhligheadh, agus do Israel mar
chunnradh síorruidhe,
18 Dhá rádh, Is duitsi do bhéara mé
tír Chanain, cuid ronna hoighreachda.
19 A nuair nach rabhadar achd bea-
gán, ro bheágán, agus na ccoimhigh-
theachaibh innte.
20 Agus a núair do imthigheadar ó
thír go tír, agus ó ríoghachd go daoin-
ibh oile,
21 Níor fhulaing sé déanduine éac-
cóir do dhéanamh orra, thug sé fós
iomaithsear do Ríoghaibh ar a son.
22 [Gha rádh] Ná beanuidh rem
ungthachaibh, agus ná déanuidh dochar
ar bith dom fháighibh.
23 Canadh an domhan uile chum an
Tighearna, foillsigh amach ó ló go ló a
shlánughadh.
24 Foillsigh a ghlóir a measg na
ngeinteadh, a oibreacha iongantacha a
measg na nuile chineadhach,
25 Oir is mór an Tighearna, & is mór
é re a mholadh: is roimhe fós is cóir
eagla bheith, ós cionn a nuile dhée.
26 Oir is iodhuil uile dhée an pho-
bail; achd is é an Tighéarna do rinne
na flaithis.
27 Atá glóir & onóir dá lathair, atá
neart agus solás iona ionad.
28 Tugaidh don Tighearna, a chomh-
gháolta an phobail; tugaidh don Tigh-
earna glóir agus neart.
29 Tugaidh don Tighearna an ghlóir
is ceart dá ainm; tugaidh ofráil libh,
& tigidh iona fhiaghnuise, adhruigh an
Tighearna a sgéimh naómthachda.
30 Bíodh eagla áir an ndomhan uile dá
lathair: biáidh an talamh fós seasmhach,
iondus nach ccorruighthear é.
31 Bíodh gáirdeachus air na neamhuibh
agus déanadh an talamh liathghair: &
abradh dáoine eidir na cineadhachaibh,
Atá an Tighearna a righe.
32 Búireadh a nfairge, agus a hiom-
laine: láathgháiridís na machaireadha,
agus a nuile ní dá bhfuil ionta.
33 Annsin canfuid croinn na coilleadh
go hárd a bhfiadhnuise an Tighearna, do
bhrígh go ttiucfa sé do dhéanamh [illegible]
theamhnus ar an ndomhan.
34 O, tugaidh buidheachus don Ti-
ghearna, óir is maith é, óir maini[illegible]
thrócaire go síorruidhe.
35 Agus abruidh sibhsi, Sáor sinn, [illegible]
Dhé ar slánuighthe, agus cruinnigh [illegible]
bhfochair a chéile sinn, agus sáor sinn [illegible]
na geintibh, ionnus go ttiubhram [illegible]
dheachus dot ainm naomhtha, agus [illegible]
ndéanam glóir ann do mholadh.
36 Go madh beannaigh an Tighea[rna]
Día Israel a sáoghal na sáoghal: agus [illegible]
dubhairt an pobal uile, Amen, agus [illegible]
mholadar an Tighearna.
37 Annsin a lathair Airce chunnartha
an Tighearna dfág sé Asaph agus [illegible]
dhearbhraithre do mhiniostralachd a
coinne na Háirce a ccomhnuidhe, [illegible]
díarradh obair gach aon laé:
38 Agus Obed-edom agus a [illegible]
bhráithre, ochdar agus trí fichid;
agus mar an gcéadna Obed-edom [illegible]
Jedutun, agus Hósah do bheith [illegible]
ndoirseóiribh:
39 Agus Sádoc an sagart, agus a dhea[rbh]-
bhráithre na sagairt, ar aghaidh [illegible]
bernacuil an Tighearna, annsa [illegible]
do bhí an Gibeon.
40 Do íodhbairt ofrála loisge don Ti-
ghearna, air altóir na hofrála loisge a
ccomhnuidh, maidin agus tráthnóna: [illegible]
do dhéanamh gach neithe dá [illegible]
scríobhtha a ndligheadh an Tighearna,
noch do aithin sé Disrael.
41 Agus Heman agus [illegible]
maille leó, agus an chuid oile do [illegible]
ghadh, noch do foillsiughadh le [illegible]
mannuibh, do thabhairt buidheachais
don Tighearna, do bhrígh go [illegible]
a thrócaire go bráth.
42 Agus ag Héman agus [illegible]
bhádar sluic, agus Cimbail, [illegible]
do dhéanadh fuaim, agus [illegible]
ciúil Dé, agus [dob iad] mic [illegible]
na doirseóirigh.
43 Agus do imthigh an pobal uile [illegible]
áon dá thigh féin, & d'fill Dáibhi [illegible]
bheannughadh a thighe féin.

CAIB. XVII.

Atá mac ar na ghealladh do Dháibhi, [illegible] thogbhas Teampall. 16. [illegible] Dhaibhi.

A Nois tárla, mar do bhí Dáibhi [illegible]
shuidhe iona thigh, go [illegible]
Dáibhi re Nátan an fáidh, Féuch [illegible]
am chomhnuidhe a ttigh do chédar, [illegible]
atá Airc chunnartha an Tighearna [illegible]
re cuirtínibh.
2 Annsin a dubhairt Nátan re Dáibhi,
déana gach ní dá bhfuil ad mheanmain;
óir atá Dia leat.
3 Agus tárla a noidhche sin [illegible],
go ttáinic briathar Dé chum Nátan,
gha rádh.
4 Imthigh, agus innis do Dháibhi [illegible]
shearbhfhoghantuigh, is mar so a deir an
Tighearna

Tighearna, ní dhéana tù tigh dhamhſa
do chomhnuighe ann.
5 Oír niór chomhnuigh miſi a ttigh
ón ló ſá ttug mé Iſrael a níos gus a
niugh, acht ag imtheachd ó lóiſtín go
lóiſtín, agus ón ttabernacuil go chéile.
6 Gidh bé ball ar ſhiubhail mé lé
Iſrael, nar labhar mé an focal ré
haon bhreithiomh Diſrael (noch dar
aithin mé mo phobal do bheathughadh)
ga rádh, cred ſa nach dearnabhair
tigh cédair dhamh?
7 Anois ar a nadhbharſin is marſo a
déara tú rem ſhearbhſhoghantuigh Dái-
bhi, is marſo a deir Tighearna na ſlógh,
do thog miſi thú ón mánruigh, ó lean-
mhain na ccáorach, chor go mbeitheá
ad iachdarán ós cionn mo phobail
Iſrael.
8 Agus do bhi mé maille leat ann
gach uile bhall ar ghabh tú, agus do
ghearr mé thríotha do naimhde uile ro-
mhad, agus do rinne mé ainm dhíot
cosmhuil re ainm na ndáoine móra ata
ar an ttalamh.
9 Mar an gcéadna, oirdeochuidh mé
áit dom phobal Iſrael, agus plainndeo-
chuidh mé iad, agus áitreabhuid iona
náit féin, agus ní chorrochtar nios
mó iad, ní mó dhíbeoruid clann na
gcionntach iad nios mó: (do nós na
céd aimſire.
10 Agus ó a nam ar aithin miſi
breitheamhuin do bheith ós cionn mo
phobail Iſrael) tuilleamh fós, cláoidhſe
mé do naimhdeſe uile. Os a chionnſin
aithnim dhuit, go ccuirſe an Tighearna
tigh ſuas duitſi.
11 Agus tiucfaidh a ccrích, a nuair
chaithfighthear do laéthesi, a ccaithfidh
tú dul a bhfochair haithreadh, go
dtóigfe miſi do ſhliochd ſúas ad dhiaigh,
noch bhías dot mhacaibhſi, agus daing-
neochuidh mé a rioghachd.
12 Do dhéana ſeiſion tigh dhamhſa,
agus daingneochaidh miſi a chathaoir
riogha go bráth.
13 Biaidh me am athair aige, agus
biaidh ſeiſion na mhac agamſa, agus ni
bhéara mé mo throcaire uadh, mar rug
mé ón tí do bhí romhadſa.
14 Acht ſuigheocha mé ann mo thigh
é, agus ann mo rioghachd go bráth,
agus daingneochthar a chathaoir riogha
go ſíorruidhe.
15 Do reír na mbriatharſo uile, & do
réir na fiſe ſo uile, is amhluigh ſin do
labhair Nátan re Dáibhi.
16 Agus tháinic Dáibhi Rígh agus
do ſhuigh ſé as coinne an Tighearna, &
a dubhairt ſé, Cia miſi, a Thighearna
Dia? cred é mo thigh as a ttug tuſa
chum na ceíme ſo mé!
17 Agus gidheadh bá beag ſo ad ſhúi-
libhſi, a Dhé; óir do labhair tú mar an
gcéadna ar thigh do ſhearbhſhoghantuigh
aimſir ſhada ré teachd, & thug tú meas
ormſa do réir ſtaide duine chumha-
chduigh, a Thighearna Día.
18 Cred fhéadas Dáibhi do rádh riot
níos mó, arſon onóra do ſhearbhſho-
ghantuigh? óir atá fios do ſhearbh-
ſhoghantuigh agad.
19 A Thighearna, arſon do ſhearbh-
ſhoghantuigh agus reír do thola ſéin do
rinne tú an mhórdhachdſo, a bhfoillſiu-
ghadh na neitheann mórſo uile.
20 A Thighearna, ní bhfuil áon is
coſmhuil riotſa, agus ní bhfuil Día ar
bith acht tù, do reír a nuile neithe dá
ccúalamar ler ccláaſaibh.
21 Agus cía aoinchineadh ar an
ndomhan atá coſmhuil re do phobal
Iſrael, noch a ndeachuidh Día dá
bhfúasgladh, dá mbeith na phobal aige
féin, do dhéanamh anma mórdhachda
agus úathbhais díotſa, le díbirt chinea-
dhach amach roimhe do phobal, noch
dfúasgail tú as an Négipt.
22 Oír do rinne tú do phobal féin dot
phobal Iſrael go bráth, & atá tuſa a
Thighearna, ad Dhía dhóibh.
23 Ar a nadhbharſin a nois, a Thi-
ghearna, daingnighthear go bráth an ní
a dubhairt tù a ttaóibh do ſherbhíſigh,
& a ttáoibh a thighe, agus déana mar a
dubhairt tú.
24 Daingnighthear é cheana, chor go
mórfuighthear hainmſi go bráth, ghá
rádh, Tighearna na ſlógh Dia Iſrael, is
Día Diſrael é: agus daingnighthear
tigh Dhaibhi do ſhearbhſhoghantuigh ad
lathair.
25 Oir dfoillſigh tuſa, ó mo Dhía,
dot ſhearbhſhoghantuigh, go ttóigfeá
tigh dhó: uimeſin ſuáir do ſhearbhſho-
ghantuigh iona chroidhe urnaigh do
dhéanamh ad lathair.
26 Agus a nois, a Thighearna, is tú
Día, agus do gheall tú an mhaithiſe dot
ſhearbhſhoghantuigh.
27 Anois ar a nadhbharſin, go madh
toil leachd tigh do ſhearbhſhoghantuigh
do bheannughadh, chor go mbiaidh as do
choinne go bráth: óir beannuidhe tuſa, a
Thighearna, & biáidhſin beannuigh go
bráth.

CAIB. XVIII.

Cogadh ⁊ buaidh Dhaibhi. 14. ⁊ a Luchd oifighe.

ANois tárla na dhiaigh ſo gur bhúail
Dáibhi na Philiſtinigh, agus gur
chláoidh ſé iad, agus do bhean Gat & a
bailte amach as laimh na Bhphiliſtineach.
2 Agus do bhuail ſé Moab, agus do
ghéilliodar na Móabitigh mar ſherbhiſigh
dhó, ag tabhairt tiodhlaice leó.
3 Agus do bhúail Dáibhi Hadareſer
Rígh Sóbah go nuige Hamat, mar do
chuaidh ſé do dhaingniughadh a thigh-
earnuis láimh ré habhuinn Euphrátes.
4 Agus rug Dáibhi míle carbad uadh,
agus ſeachd míle marcach, agus fithche
míle coiſigh: do ghéarr Dáibhi fós ſpior-
theach each na ccarbad uile, achd dó
cháomhuin ſé céad carbad díobh.

5 Agus

5 Agus a núair thangadar Sírianuigh
Dhamascus do chongnamh lé Hadareser
Rígh Sóbah, do mharbh Dáibhi do na
Sírianachaibh dhá mhíle fhithchiod fear.
6 Annsin do chuir Dáibhi garisún ann
Damascus na Siria, agus do ghéilliodar
na Sirianuigh mar sherbhisigh do Dhai-
bhi, ag tabhairt tiodhlaice leó : marso
do choimhéad an Tighearna Dáibhi ann
gach áit a ndeachaidh sé.
7 Agus do thóg Dáibhi na sciatha óir
do bhi air shearbhfhoghantuibh Hadare-
ser, & thug go Hierusalem íad.
8 Mar an gcéadna ó Thibat agus ó
Chun, caithreacha Hadareser, thug Dái-
bhi iomarcuigh prais, dá ndéarna Solamh
an nfairge phráis, & na Piléir, agus na
soithighe prais.
9 Anois a núair do chúaluidh Tou Rígh
Hamat, mar do bhúail Dáibhi go hiom-
lán sluágh Hadareser Rígh Sobah.
10 Do chuir sé Hadóram a mhac gus
an Rígh Dáibhi, da fhiafruigh Cionnus do
bhí sé, & do bheannughadh dhó do
chionn mar do throid sé a naghaidh Ha-
dareser, & mar do bhuáil sé é, (óir do
bhí cogadh ag Hadareser re Tou) agus
gach uile shórt soitheach óir & airgid,
agus prais leis.
11 Do choisrig Dáibhi Rígh íad sin
mar an ccéadna don Tighearna, maille
ris a nór & ris a nairgiod thug sé as na
críochaibhsa uile, ó Edom & ó Mhóab,
& ó chloinn Ammon, & ó na Philisti-
nibh, agus Amalec.
12 Os a chionn sin do mharbh Abisai
mhac Seruiah do na Hedomiteachaibh
ochd míle dhéag a ngleann an tsaluinn.
13 Agus do chuir sé Garisún an Edom,
agus do ghéilliodar na Hedomitigh uile
na serbhiseachaibh de Dhaibhi : marso
do chomhéad an Tighearna Dáibhi ann
gach uile bhall ar ghabh sé.
14 Marsin do bhí Dáibhi na Rígh ós
cionn Israel uile, & do rinne sé breithea-
mhnus, & ceart idir a phobal uile.
15 Agus do bhí Joab mhac Seruiah ós
cionn an tslóigh ; & Jehosaphat mhac
Ahilud na chuimhnigheóir.
16 Agus Sádoc mhac Ahitub, & Abi-
melech mhac Abiatar na sagartaibh, &
Saussa na scribhneóir.
17 Agus do bhi Benajah mhac Jehoia-
da ós cionn na Ccereteteach & na Bpele-
titeach : & dob iad mic Dhaibhi budh
oirdhearca gacha táobh don Rígh.

CAIB. XIX.

Díoghbla ar thaircuisne Hanun Rí chloinne Ammon.

ANois tárla na dhiaigh so go bhfuáir
Nahás Rígh chloinne Ammon bás,
agus gur ríoghuidh a mhac iona áit.
2 Agus a dubhairt Dáibhi, Follisfeo-
chuidh mé muinteardhas do Hanun mhac
Nahas, do bhrígh gur thaisbéin a athair
muinteardhas damh. Agus do chuir Dáibhi
teachda dá chomhfhurtachd do th...
athar: mar sin thangadar muintir D...
bhi go tír chloinne Ammon go Há...
dá chomhfhurtachd.
3 Acht a dubhradar prionnsa...
chloinne Ammon re Hánun, An saoil...
tusa go bhfuil onóir ag Dáibhi dot a...
as ar chuir sé luchd comhfhurtach...
chugadsa ? nach do spíonadh thang...
a sheirbhisigh chugad, agus do mhill...
agus do bhrath na tíre ?
4 Uime sin do ghlac Hánun ...
Dháibhi, agus do bhearr sé íad, agus ...
ghearr sé a néaduigh dhíobh ...
ós cionn a más, agus do chuir ar ...
bhal íad.
5 Annsin chúadar dáoine áirigh, ...
do innseadar do Dhaibhi mar do ...
neadh re na mhuinntir, & do chuir sé
sion dáoine na ccoinne (óir do bhí ...
mhór air na fearuibh) agus a dubhairt a
Rígh, Fanuidh ann Jericho, no go bhfá...
bhur bhféasóga, agus annsin fillidh.
6 Agus an tan do chonncadar cla...
Ammon go ndéarnadar íad féin ...
mhar ag Dàibhi, do chuir Hánun ...
clann Ammon míle tallann airgid ...
tógh carbad & marcshlúagh dhóibh a
Mesopotamia, agus as Síria Mhaach...
agus as Sóbah.
7 Marsin do fhostóigheadar, ...
thríochad míle carbad, agus ...
Maachah gun a mhuintir; noch tháinig,
agus do shuigheadar a slúagh as coinne
Mhedeba; agus do chruinnigheadar cla...
Ammon íad fein a bhfochair a chéile ó
na ccaithreachaibh, agus thangadar chum
catha.
8 Agus an tan do chúalaidh Dáibhi sin,
do chuir sé Joab, agus slúagh na ndáoine
neartmhar uile uadh.
9 Agus thangadar clann Ammon
amach, agus do chuireadar an cath a
nórdughadh as coinne gheata na cath-
reach : achd na Ríghthe tháinig, do
bhádar leó féin san machaire.
10 Anois an tan do chonnairc Joab
gur shuigheadar na choinne an cath
roimhe agus na dhiáigh, do thogh sé
amach as roighnibh Israel uile, agus do
chuir sé a nórdughadh íad a naghaidh na
Sírianach.
11 Agus thug se an chuid oile do na
dáoinibh a láimh Abisai a dhearbhbhrá-
thair, agus do chuireadar íad féin a nór-
dughadh a naghaidh chloinne Ammon.
12 Agus a dubhairt seision, Má bhíd
na Sírianuigh ro laidir dhamhsa, annsin
cuideocha tusa liom ; achd ma bhíd
clann Ammon ro láidir dhuitsi, annsin
cuideocha misi leachd.
13 Bìdhi curata, agus foillsighiom sinn
féin go fearamhuil ar son ar ndáoine,
agus ar son chaithreacha ar Ndé; agus
déanadh an Tighearna an ní is fearr
chítear dhó féin,
14 Agus do dhruid Joab, agus na
daoine do bhí iona fhochair as coinne na
Sírianach,

Sírianach, chum catha : agus do thei-
theadarſan roimhe.
15 Agus an tan do chonncadar clann
Ammon gur theitheadar na Sírianuigh,
do theitheadar féin mar an ccéadna
roimhe Abiſai a dhearbhrathair, agus do
chúadar a ſteach don chathruigh. Ann-
ſin tháinic Joab go Hieruſalem.
16 Agus an tan do chonncadar na
Sírianuigh gur buáileadh le Hiſrael íad,
do chuireadar teachda uatha, agus do
tharraingeadar amach na Sírianuigh do bhí
taobh thall don nabhuinn ; agus Sóphach
captín ſlóigh Hadareſer rompa.
17 Agus do hinnſeadh ſin do Dháibhi,
agus do chruinnigh ſé Iſrael uile, agus
do chuaidh ſé tar Jordan anonn, agus
tháinic orra, agus do chuir ſé [an
cath] a nórdughadh na naghaidh : mar-
ſin a nuáir do chuir Dáibhi an cath a
nórdughadh a naghaidh na Sírianach,
do throideadar ris.
18 Acht do theitheadar na Sírianuigh
roimhe Iſrael, agus do mharbh Dáibhi
do na Sírianachaibh ſeachd míle fear,
noch do throid a ccarbaduibh, agus
dá fhithchiod míle coiſigh : agus do
mharbh ſé Sóphach caiptín an tſlóigh.
19 Agus an tan do chonncadar muintir
Hadareſer gur buaileadh íad féin roimhe
Iſrael, do rinneadar ſíothcháin ré Dáibhi,
agus do ghéilliodar na ſerbhíſeachaibh
dhó : agus níor chuidigheadar. na Sí-
rianuigh níos mó ré cloinn Ammon.

CAIB. XX.

*...uadh fheara Rabbah. 4 Do thuit ſei-
ſer athach.*

AGus tárla an ccaitheamh na blíadh-
na, annſa nam a ttíaghaid Righthe
amach, go rug Joab leis neart an tſlóigh,
agus gur fháſuigh tír chloinne Ammon,
agus tháinic ſé, agus do chuir a fho-
ſlongphort air Rabbah (achd dfan Dái-
bhi ann Jeruſalem,) agus do bhuáil Joab
Rabbah, agus do ſgrios ſé í.
2 Agus do bhean Dáibhi coróin a
Rígh da chionn, agus fuáir gur chomh-
thromuigh ſí tallann óir, agus do bhá-
dar clocha búadha innte, agus do cui-
readh ar cheann Dháibhi í, agus thug
ſé mar an gcéadna mórán oile éadála as
an Ccathruigh.
3 Agus thug ſé amach na daóine do
bhí innte, agus do ghéarr ſé íad le tui-
rioſguibh, agus le clíathaibh foirſighe
íarainn, agus le túaghaibh : marſin
do rinne Dáibhi re cloinn Ammon
uile, agus re na ccaithreachaibh : agus
dfill Dáibhi, agus a dhaoine uile go
Hieruſalem.
4 Agus tárla na dhiáighſo, gur éi-
righ cogadh ann Géſer ris na Phi-
liſtinibh ; annſa namſin Sibbechai, an
Huſſatiteach, do mharbh ſé Sippai noch
do bhí do chloinn a naithigh, agus do
claóidheadh íad.
5 Agus do bhí cogadh a rís ris na
Philiſtinibh, agus do mharbh Elhánan
mhac Jair, Lahmí dearbhrathair Gholiah
an Gititeach, agá raibh crann a ghath
amhuil garman fígheadóra.
6 Agus a rís fós do bhí cogadh ann
Gát, áit a raibh óglach do mhéid ro-
mhóir, a rabhadar méir a chos, agus
a lámh, a ceathair thar fithchiod,[a ſé ar
gach láimh agus eois leis ;] agus fós do
budh mac don naitheach é.
7 Achd a nuáir thug ſé a ſhlán faói
Iſrael, do mharbh Jonatan mhac Simeá
dearbhrathair Dháibhi é.
8 Don naitheach ó Ghát rugadh íad-
ſo, agus do thuiteadar le láimh Dháibhi,
agus lé láimh a mhuintire.

CAIB. XXI.

*Aírmhe ēuccneaſta an phobail. 9 Agus plaigh
ar a ſhon.*

AGus do ſheas Sátan ſúas a naghaidh
Iſrael, agus do bhroſduidh ſé Dái-
bhi chum Iſrael do chomháireamh.
2 Agus a dubhairt Dáibhi re Joab agus
re huachdaránuibh an phobail, Imghidhe,
aírmhidh Iſrael ó Bheerſeba go Dan :
agus tugaidh a nuibhir chugamſa, chor
go mbia a fhios agam.
3 Agus do fhreagair Joab, Go ndéar-
na an Tíghearna a phobal céaduair níos
mó ná atáid : acht, mo thighearna a
Rígh, nach íad uile ſerbhíſigh an Tigh-
earna ? uimeſin cíodh fa níarran mo
thighearna an níſe ? créd fa mbeith ſé
na chuis peacaidh Diſrael ?
4 Gidheadh do bhuadhuigh bríathar
an Rígh a naghaidh Joab : uimeſin dim-
thigh Joab, agus do chuaidh ſé ar feadh
Iſrael, agus tháinic ſé go Hieruſalem.
5 Agus thug Joab ſuim uibhre na
ndáoine do Dháibhi, agus do bhádar
do chlainn Iſrael uile, míle do mhíltibh,
agus céad míle fear, noch do tharruing
cloidheamh : agus do Júdah ceithre
chéad agus trí fithchid míle fear do
tharruing cloidheamh.
6 Acht níor áirimh ſé Lébhi, nó Ben-
jamin na meaſc, óir do bhí bríathar
an Rígh adhfhúathmhar ag Joab.
7 Agus do mhíothaitin an níſe re Día,
uime ſin do bhúail ſé Iſrael.
8 Agus a dubhairt Dáibhi re Día,
Do pheacaidh mé go mór do bhrígh
go ndéarna mé an ní ſo : acht a nois,
guidhim thú, cuir éaccceart do ſhearbh-
fhoghantuigh an ccúl : óir do rinne mé
ſo go ro mhíchéillígh.
9 Agus do labhair an Tíghearna re
Gad féachadóir Dháibhi, gha rádh,
10 Imthigh, agus innis do Dháibhi,
gha radh, Is marſo a deir an Tighearna,
Taírgim trí neithe dhuit, beir féin rogha
dhiobh, go ndéanuinn riot é.
11 Annſin thainic Gad go Dáibhi,
agus a dubhairt ris, is mar ſo a deir an
Tighearna, beir do rogha.
12 Ceachdar aca, gorta thrí mblía-
dhan,

dhan, nó bheith trí mhí dot sgrios
roimhe do naimhde (an feadh bhéaras
cloidheamh do namhad ort) nó fós cloi-
dheamh an Tighearna trí lá, eadhon an
phláigh annsa dúithche, & aingeal an Ti-
ghearna ag marbhadh ar feadh theórann
Israel: a nois uimesin déana comhairle,
cred é an fhreagra bhéaras misi gus an
té do chuir uadh mé.
13 Agus a dubhairt Dáibhi ré Gad,
Atáim a ccumhgach ro mhóir; tuitim
anois a láimh an Tighearna, (óir is ro
mhór a thrócaire) agus ná tuitim a láimh
duine.
14 Marsin do chuir an Tighearna
pláigh air Israel: agus do thuit Disrael
seachdmhoghad mile fear.
15 Agus do chuir Dia aingeal go Hie-
rusalem da sgrios: & mar bhi sé agá
lérscrios, do chonnairc an Tighearna sin,
& dob aithreach leis an tolc, & a du-
bhairt ris an naingeal do bhi ag mil-
leadh, Is lór sin, connuimh a nois do
lámh; & do sheas aingeal an Tighearna
ag urlár búailte Ornan an Jebusiteach.
16 Agus do thóg Dáibhi a shúile súas,
agus do chonnairc sé aingeal an Ti-
ghearna na sheasamh idir talamh agus
neamh, & cloidheamh táirngthe iona
láimh ar na shíneadh amach ós cionn
Jerusalem: annsin Dáibhi agus sinnsir
Israel, noch do bhí foluigh re saicéadach,
do thuiteadar air a naighthibh.
17 Agus a dubhairt Dáibhi re Dia, nach
misi dfúagair an pobal dáireamh? is
misi féin do pheacaidh, agus do rinne an
tolc dha ríribh: ach na caoruighse,
créd do rinneadar? Guidhim thú, a
Thighearna mo Dhía, bíodh do lámh
orumsa & air thigh mathar, achd ná
bíodh air do phobal as a bpíanfuidhe íad.
18 Annsin do aithin aingeal an Tigh-
earna do Ghad a rádh ré Dáibhi, go
ttiagh Dáibhi súas, agus altoir do chur
súas don Tighearna ar urlár búailte
Ornan an Jebusiteach.
19 Agus do chúaidh Dáibhi suas ar
rádh Ghad, noch do labhair sé a nainm
an Tighearna.
20 Agus diompóigh Ornan ar ais, a-
gus do chonnairc sé an taingeal, agus a
cheathrar mac do bhí na fhochair
dfolchadar íad féin: anois do bhí Ornan
ag búaladh cruithneachda.
21 Agus ar tteachd do Dháibhi go
Hornan, dféach Ornan, agus do chon-
nairc sé Dáibhi, agus do chuaidh sé a-
mach as a nurlár búailte, agus du-
mhluidh sé é féin do Dháibhi lé na
ghnúis go talamh.
22 Ann sin a dubhairt Dáibhi re Or-
nan, Deónuidh dhamhsa a naitsi a nur-
láir búailte, go ndéarna mé altóir ann
don Tighearna: do bheára tú dhamh
é ar a lánluách, chor go ccuinneochtar
an phláigh ón bpobal.
23 Agus a dubhairt Ornan re Dái-
bhi, Glac chugad é, agus déanadh mo
thighearna an Rígh an ní is feirr do[illegible]
tear dhó: féuch do bheirim [illegible]
daimh mar an gcéadna chum na [illegible]
rála loisge, & na súistighe mar [illegible]
& an chruithneachd chum na [illegible]
bídh, bronnuim uile íad.
24 Agus a dubhairt Dáibhi Righ [illegible]
Hornan, ní headh, achd go [illegible]
ceinneacha mé é air a lánlúach: [illegible]
ghlacfa mé an ní is leatsa don Tig-
earna, & ní oifráilfe mé iodhbuirt [illegible]
gan chosthús.
25 Marsin thug Dáibhi do Ornan [illegible]
náit, sé chéad Secel oir a ccomhthrom[illegible]
26 Agus do rinne Dáibhi altóir [illegible]
sin don Tighearna, & dofráil sé iodh-
burtha loisge, & ofrála siothcháin, & [illegible]
ghoir air an Ttighearna, & do fh[illegible]
gair sé ó fhlaitheamhnus é, maille re t[illegible]
air altóir na hiodhbartha loisge.
27 Agus dfúagair an Tighearna do
naingeal, agus do chuir sé a chloidheamh
a steach a rís iona thrúaill.
28 Ann sa namsin a nuair do chonnairc
Daibhi gur fhreagair an Tighearna é a
nurlár buáilte Ornain an Jebusiteach, an
sin do rinne sá iodhbairt ann.
29 Oir do bhí Tabernacuil an Tigh-
earna, noch do rinne Maóise [illegible]
sach, & altóir na hofrála loisge [illegible]
annsa náit áird ann Gibeon.
30 Acht níor fhéud Dáibhi [illegible]
lathair, dfiafruigh do Dhía: óir do [illegible]
eagla air do bhrígh chloidhimh [illegible]
an Tighearna.

CAIB. XXII.

Do chuir Daibhi ualach ar Sholamh, [illegible]
[illegible] ar phrionnsaibh [illegible], [illegible]
Teampaill.

ANsin a dubhairt Dáibhi, sé so tigh [illegible]
Tighearna Dé, agus si so altóir
ofrála loisge Israel.
2 Agus do aithin Dáibhi na [illegible]
thigh do chruinniughadh a bhfochair a
chéile, noch do bhí a ttír Israél, agus do
chuir sé saóir doibriughadh chloch [illegible]
ighte do dhéanamh tighe Dé.
3 Agus do sholathair Dáibhi iomar-
cuidh íaruinn chum táirngeadh [illegible]
seadh na ngéatadh, & chum na ndlúthaidh,
& iomad práis gan chomhthromughadh.
4 Mar an ccéadna iomarcuidh cran
Cédair: óir thugadar na Sidonianaigh
agus muintir Tíor iomarcuidh crann Cé-
dar chum Dáibhi.
5 Agus a dubhairt Dáibhi, atá mo
mhac Solamh óg máoth, agus an tigh
chaithfighthear do dhéanamh don Ti-
ghearna is éigin a bheith romhórdhálach
do chlú, & do ghlóir ar feadh a na
chríoch: [ar a nadhbharsin] do dhéana mé
anois ullmhughadh na choinne: marsin do
ghléus sé go ro acfuinneach roimbe a bhás.
6 Annsin do ghoir sé air a mhac So-
lamh, & do chuir dúalach air tigh do
dhéanamh don Tighearna Día Israel.
7 Agus a dubhairt Dáibhi ré Solamh
a mhic,

a mhic, ar son mo choda féin, do bhí ann
inntinn tigh do dhéanamh dainm mo
Thighearna Dé.
8 Acht thainic bríathar an Tighear-
na chugam, gha rádh, Do dhóirt tú
iomad fola, agus do rinne tú cogtha
móra: ní dheana tú tigh dom ainmsi,
do bhrígh gur dhoirt tú iomad fola air
an ttalamh ann mo radharc.
9 Féuch, béarthar mac dhuit, noch bhi-
as na dhuine shuáimhneach, & do bhéara
misi suáimhneas dó ó na naimhdibh uile,
ann gach aon taobh dhe: óir isé bhus
ainm dhó, Solamh, agus do bhéara mé
síothcháin, agus suáimhneas Dísrael re
na linn.
10 Do dhéana sé tigh dom ainmsi,
agus biáidh sé na mhac agamsa, agus
misi am athair aigesion, agus daing-
neochuidh mé cathaoir a rioghachda ós
cionn Israel go bráth.
11 Anois a mhic, go raibh an Tigh-
earna maille leat, & téigh air haghaidh,
agus cuir tigh do Thighearna Dé súas, mar
do labhair sé dot thaóibh.
12 Amháin go ttuga an Tighearna,
eagna agus tuigsi dhuit, agus go ttu-
ga duit cúram a ttaoibh Israel, lé
coimhéadsa tú dligheadh do Thighear-
na Dé.
13 Ann sin éireochuidh sonus duit, má
thugann tú aire do choimhlíonadh na re-
acht, & na mbreitheamhnus, noch do
chuir an Tighearna dualach ar Mhaoise
a ttaobh Israel: bí láidir, agus bíodh
misneach mhaith agad, ná himeagluidh,
agus na híamhnuighthear thú.
14 Anois féuch, ann mo thriob-
lóid do ghléus misi a ccoinne thighe
an Tighearna céud míle tallann óir,
agus míle míle tallann airgid, agus do
phrás agus díarann gan áireamh: (óir
atá sé ro líonmhar) do ghléus mé mar
an ccéadna adhmad agus clocha, agus
féadaigh tusa cur na cceann.
15 Tuilleamh oile [atáid] luchd oibre
agad go hiomadamhuil, snoigheadóirigh,
agus saóir chloch, agus chrainn, agus
iad uile glic chum gach éantsórt oibre.
16 An tór, agus an tairgiod, agus
an prás, agus an tiarán, ní heidir a
náireamh; éirigh súas, agus déana
romhad, agus go raibh an Tighearna
maille leat.
17 Do aithin Dáibhi mar an ccéadna
do phrionnsadhuibh Israel uile, cuidiu-
ghadh lé na mhac Solamh, [gha rádh.]
18 Nach bhfuil bhur TTighearna Día
maille ribh? & nach ttug sé suáimhneas
dáoibh ar gach táobh? óir thug sé
dúithchusaigh na tíre am láimhse, agus
do gabhadh an dúithche a lathair an
Tighearna, agus a lathair a phobail.
19 Anois socruighidh bhur ccroidhthe,
& bhur nanam díarruidh bhur TTigh-
earna Dé; éirgidh ar a nadhbharsin,
agus ullmhuighidh Sanctóir an Tighearna
Dé do thabhairt Áirce chunnartha an Ti-
ghearna, & shoitheach naomhtha Dé, don
tigh do dhéantar dainm an Tighearna.

CAIB. XXIII.

*Solamh orduighthe na Rígh. 2 Uibhir agus oi-
fig na nLebhiteach.*

AN sin a nuair do bhí Dáibhi áosta,
agus lán do láethibh, do rinne sé
Rígh dá mhac Solamh ós cionn Israel.
2 Agus do chruinnigh sé prionnsa-
dha Israel uile a ccionn a chéile, mail-
le ris na Sagartaibh, agus ris na Le-
bhítibh.
3 Anois do háirmheadh na Lebhí-
tigh ó aóis thríochad bliadhan, agus ós
a chionn: agus ba í a nuibhir do réir
a cceann duine ar dhuine, tríochad agus
ochd míle.
4 Do bhí díobh sin ceithre mhíle fith-
chiod fear, re haghaidh oibre thighe an
Tighearna da cur ar a haghaidh, agus
sé mhíle na noifigeachaibh, agus na
mbreitheamhnuibh.
5 Os a chionn sin [do bhádar]
ceithre mhíle na ndoirseóiribh, agus
ceithre mhíle re moladh an Tighearna
ris na hadhbhaghaibh ciúil do rinne misi
[ar sa Dáibhi] do mholadh Dé.
6 Agus do roinn Dáibhi iad na sealuibh
idir mhacaibh Lebhi, dar bhainm Ger-
son, Cohat, agus Merári.
7 Do na Gersoniteachaibh, Laadan,
agus Simei.
8 Mic Laadan; Jehiel a cceann, agus
Setam, agus Joel, tríur.
9 Mic Shimei; Selomit, agus Hasiel,
agus Haran, tríur: dob iadso cinn ai-
threach Laadan.
10 Agus mic Shimei: Jahat, Sina,
agus Jeus, agus Beriah: dob iad a nai-
threachasо mic Shimei.
11 Agus dob é Jahat an ceann, agus
Sisa an dara: ach ní raibh mórán mac
ag Jeus, nó ag Beriah: uime sin do
bhádar a néanáireamh amháin do réir
thighe a naithreadh.
12 Mic Chohat; Amram, Issar, He-
bron, agus Ussiel, ceathrar.
13 Mic Amram; Aaron, agus Ma-
óise: agus do dealuigheadh Aaron do
bheannughadh na neithionn ro náomh-
tha, é féin, agus a mhic go bráth, do
losgadh túise as coinne an Tighearna do
fhritheolamh dhó, agus do bheannugh-
adh iona ainm go bráth.
14 Anois Maóise óglach Dé, do hain-
mnigheadh a mhic a ttaoibh Lebhi.
15 Dób iadso mic Mhaóise Gersom,
agus Eliesér.
16 Do mhacaibh Gersom, do bé Se-
buel an ceann.
17 Agus dob iad mic Eliesér Reha-
biah an ceann, agus ní raibh aon mhac
oile ag Eliesér: achd do budh ro iom-
dha mic Rehabiah.
18 Do mhacaibh Issar? Selomit
an ceann.

19 Do mhacaibh Hebron; Jeriah
an céadhmhac, Amariah an dara, Je-
haſiel an treas, agus Jecameam an
ceathramhadh.
20 Do mhacaibh Uſſiel; Michah
an céadmhac, Jeſſiah an dara.
21 Mic Mherári; Mahli, agus Muſſi:
mic Mhahli; Eleaſar, agus Cis.
22 Agus déug Eleáſar, agus ní
raibh aon mhac aige, achd ingheana:
agus thugadar a ndearbhráithre, mic
Chis, iad.
23 Mic Mhuſſi; Mahli, agus Eder
agus Jerimot, triúr.
24 Dob iadſo mic Lébhi do réir
thighe a naithreadh, uachdaráin na
naithreadh, mar do háirmheadh iad le
uibhir a nanmann do reir a cceann, do
rinne obair ſheirbhíſe thighe an Ti-
ghearna ó aóis fhithchid bliadhan, a-
gus ós a chionn.
25 Oir a dubhairt Dáibhi, thug an
Tighearna Día Iſrael ſuáimhneas dá pho-
bal, go madh héider léo comhnuighe ann
Jeruſalem go bráth.
26 Agus fós do na Lebhitibh; ní
iomchoruid ſiad feaſda an Tabernacuil,
ná ſoithighe ar bith dá mbeanann ris
chum a ſheirbhíſe.
27 Oir le bríathraibh deighionacha
Dháibhi do háirmheadh na Lebhitigh ó
fhithchid bliadhuin daóis, & ós a chionn:
28 Do bhrígh gur bhí a noifig fei-
thiomh ar chloinn Aáron ar ſon ſheirbhíſe
thighe an Tighearna annſna cúirtibh, a-
gus annſna ſeómradhuibh, agus a niom-
ghlanadh a nuile neithe náomtha, agus
oibre ſherbhiſe thighe Dé;
29 Eadhon a naráin taiſbéanta, agus
an phlúir fhínealta do nofráil bhidh, a-
gus bhairghiona gan loibhin, agus an nei-
the do níthi ann ſa noighean, agus an
neithe fritheailte, agus a nuile ſhórt mi-
oſúir agus méud:
30 Agus do ſheaſamh gach éanmhai-
din do thabhairt buidheachuis don Tigh-
earna, agus mar an ccéadna gach tráth-
nóna:
31 Agus do íodhbuirt gach éanofrála
loiſge don Tighearna annſna láethibh
ſaoire, annſna reéibh núadha, agus annſna
ſeuſtuighibh cinnte, a nuibhir, do reir
mar do hórduigheadh dhóibh a ccomh-
nuigh a lathair an Tighearna.
32 Agus go coimhéadaidís cúram
Thabernacuil an chombchruinnigh, agus
cúram na haite náomhtha, agus cúram
chloinne Aáron a ndearbhráithre, a
ſerbhís thighe an Tighearna.

CAIB. XXIV.

Na Sagairt rannta an 24 Chúrſadhaibh.

ANois is iad ſo ranna mhac Aáron:
mic Aaron; Nádab, agus Abihu,
Eleaſar, agus Itamar.
2 Achd déug Nádab agus Abihu
roimhe a nathair, agus ní raibh clann
ar bith aca; ar a nadhbharſin ſé Eleá-
ſar agus Itamar do níodh oifig an tSa-
gairt.
3 Agus do roinn Dáibhi iad: a-
aon Sádoc do mhacaibh Eleaſar, agus A-
himelech do mhacaibh Itamar, do reir
a noifigibh ann a ſeirbhís.
4 Agus do fríth ní budh mó do dhao-
nibh oirdhearca do mhacaibh Eleáſar ná
fríth do mhacaibh Itamar; agus is mar ſo
do roinneadh iad: a meaſg mhac Ele-
ſár do bhádar ſé fir dheag toghtha a
meaſg a naithreadh, agus ochdar a meaſg
mhac Itamar, do reir thighe a nai-
threadh.
5 Marſo do roinneadh iad le cranna-
char, gach aon diobh re a chéile: óir do
budh do mhacaibh Eleáſar agus do mha-
caibh Itamar, úachdaráin na Sanctóra,
agus úachdaráin thighe Dé.
6 Agus Semajah mhac Netaneel an
ſcribhneóir, áon do na Lebhitibh, do
ſgríobh iad as coinne an Righ agus na
bprionnſadh, agus Shadoc an ſagart, a-
gus Ahimelech mhac Abiatar, agus a
lathair ceann aithreadh na Sagart, agus
na Lebhiteach: áoin phrímhthigh amhain
ar na ghlacadh do Eleaſar, agus tigh do
Itamar.
7 Anois tháinic an céad chrannchur
amach do Jehojarib; an dara cran-
char do Jedaiah,
8 An treas do Harim, an ceathra-
mhadh do Sheárim,
9 An cúigeadh do Malchijah, an ſé-
ſeadh do Mhijamin,
10 An Seachdmhadh do Haccos, an
tochdmhadh do Abijah,
11 An náomhadh do Jeſua, an deich-
madh do Shecaniah,
12 An táonmhadh déag do Eliaſib,
an dara déag do Jaccim,
13 An treas déag do Huppah, an
ceathramhadh déag do Jeſſebeab.
14 An cúigeadh déag do Bhilgah, an
Seiſeadh déag do Immer,
15 An ſeachdmhadh déag do Heſir, an
tochdmhadh déag do Aphſes.
16 An náomhadh déag do Phetahiah,
an fithcheadh do Jeheſecel.
17 An taonmhadh fithchiod do Jachin,
an dara fithchiod do Ghamul,
18 An treas tar fithchiod do Bhehijah
an ceathramhadh fithchiod do Mhaa-
ſiah.
19 Dob iad ſo a nórduighthe ionn
ſerbhís, do theachd go tigh an Tighearna
do réir a ngnátha faoi Aáron a nathair,
mar do aithin an Tighearna Dia Iſrael-
dhe.
20 Agus dob iad ſo an chuid oile do
mhacaibh Lébhi; do mhacaibh Am-
ram, Subael: do mhacaibh Subael, Jehdejah.
21 A ttaóibh Rehabiah; do mhacaibh
Rehabiah dob é Iſſiah an céud (mhac.)
22 Do na Hiſhariteachuibh; Selomot:
do mhacaibh Shelomot; Jahat.
23 Agus mic Hebron; Jeriah, Ama-
riah an dara, Jahaſiel an treas, Jecameam
an ceathramhadh.

24 Do

24 Do mhacaibh Ussiel; Michah:
do mhacaibh Michah; Samir.
25 Do bé dearbhrathair Mhichah Issiah;
do mhacuibh Issiah; Sechariah.
26 Dob iad mic Mherári, Mahli,
agus Mussi: mic Jaasiah; Beno.
27 Mic Mherári le Jaasiah; Beno,
agus Soham, & Seccur, agus Ibri.
28 O Mahli thainic Eleasar, ag nach
raibh éan mhac.
29 A ttaoibh Chis: do bé mac Chis,
Jerahmeel.
30 Mic Mhussi mar an ccéadna: Mahli,
agus Jerimot: dob iad so mic na Lebhí-
teach do réir thighthe a naithreadh.
31 Do chaitheadarso mar an ccéadna
crannchar thall as coinne a ndearbhrái-
threach mic Aáron, a lathair Dháibhi
Righ, & Shadoc & Ahimélech agus rogha
aithreadh na sagart, agus na Lebhíteach,
eadhon na naithreach noirdhearca thall
as coinne a ndearbhráithreach dob óige.

CAIB. XXV.

Uibhir & oifig an luchd ceóil. 8 Rannadh na 24 aird.

TUilleamh fós, do dhealuidh Dáibhi
agus caiptínigh an tslóigh do
sheirbhís mhac Asaph, agus Heman, &
Jedutun, noch do dhéanadh fáigheadóí-
reachd le cláirseachaibh, & le saltrachaibh,
agus le cimbaluibh: agus do bé uibhir an
luchd oibre do réir a serbhíse;
2 Do mhacaibh Asaph; Saccur, a-
gus Jóseph, agus Netaniah, agus Asare-
lah, mic Asaph faoi láimh Asaph, noch
do thairghir do réir orduigh an Righ.
3 O Jedutun: mic Jedutun; Geda-
liah, agus Seri, agus Jessaiah, Hassabiah,
agus Mattitiah, seisear, fáoi lámhuibh a
nathar Jeduthun, noch do thairghir lé
cláirsigh, do bhreith buidhe, agus do
mholadh an Tighearna.
4 O Heman: mic Heman; Bucciah,
Mattaniah, Ussiel, Sebuel, agas Jeri-
mot, Hananiah, Hanáni, Eliatah, Gid-
dalti, agus Romamti-eser, Josbecassah,
Malloti, Hotir, agus Mahasiot:
5 Dob íadso uile mic Heman feith-
mheóir an Righ a mbriathruibh Dé do
thogbháil na Hairce súas: agus thug Día
do Theman ceithre mic dhéug, agus
triúr inghean.
6 Do bhádar so uile fáoi lámhuibh a
nathar do dhéanamh ceóil a ttigh an Ti-
ghearna le cimbaluibh, le Saltrochaibh, a-
gus le cláirseachaibh, do sheirbhis thi-
ghe Dé, do réir orduigh an Righ
do Asaph, do Jedutun, agus do Heman.
7 Marsin a nuibhir sin uile maille
re na ndearbhráithribh do mhúineadh a
ndáanuibh an Tighearna, gach a raibh
glic, do budh dhá chéad, agus ceithre
fichid, agus ochdar iad.
8 Agus do theilgeadar crannchar
a naghaidh a chéile, beag comhmaith
agus an mór, an fear teaguisg mar an
bhfoghluinte.
9 Anois tháinic an céad chrannchar
amach do Asaph ar Joseph; an dara do
Ghedaliah, noch maille re na dhear-
bhraíthibh, agus re na mhacaibh, bá dhá
fhear dhéag.
10 An treas do Shaccur, dá mha-
cuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
11 An ceathramhadh do Isri, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dheag.
12 An cúigeadh do Nethaníah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
13 An seiseadh do Bhucciah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.
14 An seachdmadh do Jessarelah; dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
15 An tochdmhadh do Jesaiah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dha fhear dhéag,
16 An náomhadh do Mhattaniah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
17 An deachmhadh do Shimei, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
18 An taonmhadh déag do Asareel,
dá mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.
19 An dara déag do Hassabiah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
20 An treas déag do Shubael, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
21 An ceathramhadh déag do Mhat-
titiah, dá mhacuibh agus da dhearbh-
ráithribh, dha fhear dhéag,
22 An cúigeadh déag do Jerimot,
dá mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag:
23 An seiseadh déag do Hananiah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhraithibh, dhá
fhear dhéag.
24 An seachdmhadh déug do Josbe-
cassah, dá mhacuibh agus dá dhearbhrái-
thribh, dha fhear dhéag.
25 An tochdmhadh déag do Hanani,
dá mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.
26 An náomhadh déag do Mhal-
loti, dá mhacuibh agus da dhearbhrái-
thribh, dhá fhear dheag.
27 An fithcheadh do Eliatah, dá
mhacuibh agus dá dhearbhráithribh, dhá
fhear dhéag.
28 An taonmhadh fithchiod do Hotir,
dá mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.
29 An dara tar fithchiod do Ghiddalti,
dá Mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.

30 An treas ſithchiod do Mhahaſiot,
dá mhacuibh agus dá dhearbhráithribh,
dhá fhear dhéag.
31 An ceathramhadh ſithchiod do
Romamti-eſer, dá mhacuibh agus dá
dhearbhráithribh, dhá fhear dhéag.

CAIB. XXVI.

Ronna na nDoirſeóireadh. 20 & na nLébhiteach do bhí os cionn an jonnmhuſa.

A Ttaobh ronna na ndoirſeóireadh;
do na Cothiteachaibh do bhí Meſſe-
lemiah mhac Córe, do mhacaibh Aſaph:
2 Agus dob íad mic Mheſſelemiah,
Sechariah an cheidghin, Jediael an
dara, Sebadiah an treas, Jatnel an cea-
thramhadh.
3 Elam an cúigeadh, Jehohanan an ſei-
ſeadh, Elioenai an ſeachdmhadh.
4 Tuilleamh fós [dob iad] mic Obed-
edom, Semaiah an chéidghin, Jehóſabad
an dara, Joah an treas, agus Sacar
an cheathramhadh, agus Netaneel
an cúigeadh.
5 Ammiel an ſeiſeadh, Iſſachar an
ſeachdmhadh, Peultai an tochdmhadh:
óir do bheannuigh Día é.
6 Mar an ccéadna dá mhac Semaiah
rugadh mic do ríaghluidh air feadh thi-
ghe a nathar: óir fá daóine cumaſacha a
ccródhachd íad.
7 Mic Shemajah; Otni, agus Re-
phael, agus Obed, Elſabad, a rabhadar
a dhearbhraithre na ndaóinibh láidre;
Elihu, agus Semachia.
8 Jad ſo uile do mhacaibh Obed-
edom: íad féin, a mic, agus a ndear-
bhraithre, daóine cumhachdacha ar ne-
art chum na ſerbhíſi, días agus trí fith-
chid do Obed-edom.
9 Agus do bhádar mic agus dearbh-
ráithre ag Meſſelemiah, daoine láidre,
ochd bhfir dhéag.
10 Mar an ccéadna ag Hoſah do
chloinn Mherári do bhádar Simri an
ceann, gidh mar bhé an chéidghin é, thai-
ris ſin do rinne a athair ceann de;
11 Hilciah an dara, Tebaliah an
treas, Sechariah an ceathramhadh:
mic agus dearbhraithre Hóſah uile, trí
fir dhéug.
12 Eattorra ſo do bhí ronna na
ndoirſeóireadh, eadhon a meaſg na nda-
oine toghtha, ar mbeith faire aca as co-
inne a chéile do fhritheolamh a ttigh
an Tighearna.
13 Agus do theilgeadar croinn ar
an mbeag mar an mór, do réir thighe a
naithreadh ar ſon gach aóingheata.
14 Agus do thuit an crannchar leath
ſhoir air Shelemiah; annſin do theilg-
eadar crainn ar ſon a mhic Sechariah
(comhairleach glic) agus tháinic a chrann
amach air an ttáobh thuáigh.
15 Do Obed edom budh dheas, agus
dá mhacaibh, tigh Aſuppim.
16 Do Shuppim agus do Hóſa, thái-
nic an crannchar amach leith [illegible]
ille ris an ngeata Sallechet [illegible]
a náird, faire a naghaidh faire.
17 Táobh ſhoir bhádar [illegible] Lé[illegible]
ach, budh thuaigh ceathrar gach [illegible]
dheas ceathrar gach láoi, agus leath [illegible]
Aſuppim días agus días.
18 Ann Parbar leath ſhíar ceathrar [illegible]
an tóchar, agus días ag Parbar.
19 Aſ íad ſo ronna na ndoirſeóireadh
a meaſg chloinne Córe, agus a meaſg
chloinne Merári.
20 Agus do na Lebhtibh, [illegible]
jah do bhí ós cionn ionnmhuſa tighe [illegible]
agus ós ccionn ionnmhuſa na neith[illegible]
náomhtha.
21 A ttáobh mhac Laadan: [illegible]
an Gherſonitigh Laadan, aithre [illegible]
tha, eadhon ó Laadan an Gerſonit[illegible]
tháinic Jehieli.
22 Mic Jehieli; Setam, agus Joel [illegible]
dhearbhrathair, noch do bhí ós cionn
ionnmhuſa thighe an Tighearna.
23 Do na Hamramiteachaibh, do na
Hiſſariteachaibh, do na Hébrónitibh, agus
do na Huſſielitibh:
24 Agus Sebuel mhac Gerſon mhic
Máoiſe, budh úachdarán ós cionn a
nionnmhuſadh:
25 Agus a dhearbhraithre tre Elie-
ſer: Rehabiah a mhac, agus [illegible]
mhac ſin, agus Joram a mhac ſin, a-
gus Sichri a mhac ſin, agus Selomit a
mhac ſin.
26 Aſé an Selomit ſin agus a dhear-
bhraithre do bhí ós cionn uile ionnmh[illegible]
na neitheann ccoiſreagtha, noch do
thiodhluic Dáibhi Rígh agus tógha na [illegible]
threach, agus na Caiptinigh ós cionn
mhilteadh, agus chéad, agus Caiptínigh
an tſlóigh.
27 As na héadáluibh do beanadh [illegible]
a ccathaibh, do thiodhlaiceadar do chong-
mháil thighe an Tighearna ſúas.
28 Agus an mhéid do thiodhluic Sa-
muel an féachadoir, agus Saul mhac
Cis, agus Abner mhac Ner, agus Joab
mhac Serujah, agus gidh bé ar bith do
choiſrig éinní, do bhí ſe faoi láimh Se-
lomit, agus a dhearbhráithreach.
29 Do na Hiſſariteachaibh, Chena-
niah, & a mhic, do bhádar chum na [illegible]
thuibh bhfoiriomlach ós cionn Iſrael, [illegible]
noiſigeachaibh, & na mbreitheamhnuibh.
30 Agus do na Hebroniteachaibh
Haſſabiah agus a dhearbhráithre, da-
óine gaiſgeamhla, míle agus ſeachd ccéad
Diſrael do bhí na noiſigeachaibh [illegible]
aſg, don taóibhſe do Jordan leath ſhíar [illegible]
ngnothuigh an Tighearna uile, agus a ſe-
bhís an Rígh.
31 A meaſg na Nebroniteach do bhí
Jeriſjah na cheann, eadhon a meaſg na
Nebroniteach do reír ghinealach a aith-
readh. Annſa cheathrachadmhadh bli-
adhuin do righe Dháibhi do hiarradh iad
agus fríth na meaſg dáoine neartmhara
ngaiſcidh, ann Jaſer ó Ghilead.
32 Agus

31 Agus a dhearbhráithre daóine ga-
isceamhla do bhádar dhá mhíle & seachd
gcéad príomhathair dhiobh, dá ndéarna
Dáibhi Rígh uachdaráin ós cionn na Reu-
beníteach, na Ngaditeach, agus leth-
threibhe Mhanasseh ar gach áon chúis dar
bhean re Día, agus a ngnothuighibh an
Rígh.

CAIB. XXVII.

*Príomh-aithre na ndTreabhba. 25 Agus oifi-
gigh Dhaibhi.*

ANois clanna Israel do réir a nuibhre,
na príomhaithre agus caiptínigh
míleadh, agus céud, agus a noifigidh
do rinne serbhís don Rígh a ccúis ar
bith do na cúrsadhuibh, noch thiagh
a steach, agus dimthigheadh amach ó
mhí go mí ar feadh mhíos na bliadhna
uile, do bhí ann gach áonchúrsa dhíobh
ceithre mhíle fhithchiot.
2 Os cionn an chéad chúrsa na céad
mhíosa do bhí Jassobéam, mhac Sabdiel,
agus do bhí iona chúrsa sin ceithre mhíle
fhithchiot.
3 Bá do chloinn Peres an tárdchaiptín
ar chaiptínibh an tslóigh ar son na céad
mhíosa.
4 Agus ós cionn chúrsa an dara míos
do bhí Dódai an Tahohiteach, agus fós
do bé Miclot uachdárán a chúrsasan:
mar an ccéadna ann a chúrsa (do bhí)
ceithre mhíle fhithchiot.
5 Do bé tréas caiptín air a treas mí,
Benaiah mhac Jehoiada árdshagart;
agus iona chúrsasan ceithre mhíle
fhithchiot.
6 Is é so an Benaiah, noch do bhí
cumhachdmhar a measg an tríochaid, agus
ós cionn an tríochaid: agus ann a chúr-
sasan Ammisabad a mhac.
7 Do bé an ceathramhadh caiptin air
a cceathramhadh mí, Asahel dearbhra-
thair Joab, agus Sebadiah a mhac na
dhiaigh: agus iona chúrsasan ceithre
mhíle fhithchiot.
8 Do bé an cúigeadh cáiptín air a
ccúigeadh mí, Samut an Tisrahíteach: a-
gus iona chúrsasan ceithre mhíle fhith-
chiot.
9 Do bé an seiseadh caiptín air a sei-
seadh mí, Ira, mhac Iccer an Tecoi-
teach: agus iona chúrsasan ceithre
mhíle fhithchiot.
10 Do bé an seachdmhadh caiptín air a
seachdmhadh mí, Heles an Peloniteach
do chloinn Ephraim: agus iona chúrsa-
san ceithre mhíle fhithchiot.
11 Do bé an tochdmhadh caiptin air a
ochdmhadh mí, Sibbecai an Husatite-
ach do na Saphiteachaibh: agus iona
chúrsasan ceithre mhíle fhithchiot.
12 Do bé an naomhadh caiptín ar an
naomhadh mhí, Abieser an Taneto-
titeach do na Benjamíteachaibh: agus
iona chúrsasan ceithre mhíle fhithchiot.
13 Do bé an deachmhadh caiptín ar a
deachmhadh mí, Maharai an Netopha-
titeach do na Sarhiteachaibh: agus iona
chúrsasan ceithre mhíle fhithchiot.
14 Do bé an taonmhadh caiptín déag
ar a naonmhadh mí déag, Benaiah an
Piratoniteach do chloinn Ephraim: & iona
chúrsasan ceithre mhíle fhithchiot.
15 Do bé an dara caiptín déag ar an
dara mí déag, Heldai an Netophati-
teach, ó Otniel: agus iona chúrsasan
ceithre mhíle fhithchiot.
16 Tuilleamh oile ós chionn threabha
Israel, do bé uachdarán na Reubeníteach,
Elieser mhac Sichri: na Simeoniteach,
Sephatiah mhac Maachah:
17 Na Lebhiteach, Hassabiah mhac
Cemuel: na Naaróniteach, Sadoc.
18 Do Judah, Elihu, aon do dhear-
bhráithribh Dhaibhi; do Issachar Omri,
mhac Michael.
19 Do Shebulun, Ismaiah mhac O-
badiah: do Naphtali, Jerimot mhac
Asriel.
20 Do chloinn Ephraim, Hoséa mhac
Asasiah, do leiththreibh Mhanasseh
Joel mhac Pedaiah.
21 Do leiththreibh Mhanasseh ann
Gilead, Iddo mhac Sechariah: do Bhen-
jamin, Jaasiel mhac Abner:
22 Do Dhan, Asariel mhac Jeroham:
ag só prionnsadha threabha Israel.
23 Acht níor ghabh Dáibhi a nuibhir
ó aois fhithchiod bliadhan agus faói, do
bhrígh go ndubhairt an Tighearna, go
lionfadh sé Israel amhuil réulta nimhe.
24 Do thosuigh Joab mhac Serujah
ar áireamh, achd níor chríochnuigh
sé, do bhrígh gur fhás fearg thríd
sin a naghaidh Israel: ní mó do cuireadh
a nuibhir a ccúntas chroinice Dháibhi
Rígh.
25 Agus ós cionn ionnmhusa an Rígh
do bhí Asmabhet mhac Adiel: agus do
bhí Jehonatan mhac Ussiah ós cionn
tighe an stóruis annsna machairighibh,
annsna caithreachaibh & annsna bailtibh,
agus annsna caisléanuibh.
26 Agus do bhí Esri mhac Chelub
ós cionn na muintire do rinne obair an
mhachaire, do shaóthrughadh na tal-
mhan.
27 Agus ós cionn na bhfíneamhnach
do bhí Simei an Ramatiteach: do bhí
Sabdi an Siphmiteach ós cionn bhifigh na
bhfíneamhnach do na soiléaruibh fiona.
28 Agus do bhí Baal-hanam an Ge-
deriteach ós cionn na ccrann ola, a-
gus na ccrann Sicomór, noch do bhí ann-
sna réitibh iachdracha: agus do bhí Joas
ós chionn soiléur na hola.
29 Agus do bhí Sitrai an Saroníteach
ós cionn na sealbhann do bhí air féur a
Sáron: agus do bhí Shaphat mhac
Adlai os cionn na sealbhann do bhí
sna gleantaibh.
30 Os cionn na ccámhall mar an
ccéadna do bhí Obil an Tismeeliteach:
agus ós cionn na nasal do bhí Iehdeiah
an Meroniteach.

31 Agus

31 Agus ós cionn na ttréud do bhí
Jasis an Hageriteach: dob iadso uile
feadhmannuighe maóine Dháibhi Rígh.
32 Mar an gcéadna Jonatan dearbhra-
thair athar Dháibhi do bhí sé na chomh-
airleach, na dhuine críonna, agus na
scríbhneóir; agus do bhí Jehiel mhac
Hachmon a bhfochair mhac an Rígh.
33 Agus do bé Ahitophel comhair-
leach an Rígh, agus Hussai an Tarchi-
teach fa companach don Rígh.
34 Agus a ndiáigh Ahitophel do bhí
Jehoiada mhac Benaiah, agus Abiathar;
agus do bé Joab ríghfhéinnidh shlóigh
an Rígh.

CAIB. XXVIII.

*Tug Daibhi ann a làn-chruinniughadh an pho-
bail, 9 Ordughadh attaobh sheirbhis Dé;
11 & an Teampuill.*

AGus do chruinnigh Dáibhi go Hieru-
salem prionnsadha Israel uile, pri-
onnsadha na ttreabh, agus caiptinigh na
ccuideachd do niodh minioſtralachd don
Rígh ré ſealuigheachd, & caiptinigh ós
cionn na milteadh, & caiptinidh ós cionn
na ccéad, agus na feadhmannuigh ós
cionn maoine agus seilbhe an Rígh uile
agus a mhac, maille ris na hoifigeachaibh,
agus ris na daóinibh curata, agus na
daóine gaisgeamhla uile.
2 Ann sin do sheas Dáibhi Rígh súas
air a chosaibh, agus a dubhairt, Eistigh
riom a dhearbhraithre, agus mo phobal:
air mo shon féin, do bhí ann mo chroi-
dhe tigh comhnuigh do dhéanamh Dáirc
chunnartha an Tighearna, agus do
chostól ar Ndé, agus do ghléas mé a
ccoinne na hoibre.
3 Acht a dubhairt Dia riom, ní dhéana
tú tigh dom ainmsi, do bhrígh gur fear
cogaidh thú, agus gur dhóirt tú fuil.
4 Gidheadh do thogh an Tighearna
Dia Israel misi roimhe thigh mathair
uile do bheith am Rígh ós Israel go
bráth: óir do thogh sé Júdah do
bheith na úachdarán, agus do thigh
Júdah tigh matharsa, agus a measc
mhac matharsa do thaitin misi ris, do
dhéanamh Rígh dhiom ós cionn Israel
uile.
5 Agus tair mo mhacaibh uile (óir
thug an Tighearna mórán mac dhamh)
do thogh sé Solamh mo mhac, do shuidhe
annsa chathaoir ríogha a ríoghachd an Ti-
ghearna ós cionn Israel.
6 Agus a dubhairt sé riomsa, do
dhéana Solamh do mhac mo thighse, a-
gus mo chúirte: óir do thogh mé é do
bheith na mhac agum, agus biáidh misi
am athair aigesion.
7 Tuilleamh oile fós, daingneochuidh
mé a ríoghachd go bráth, má bhiorn sé
seasinhach a ccoimhlíonadh maithean-
tadh, agus mo bhreitheamhnuis, mar
atá a niugh.
8 Anois uimesin a radharc Israel
uile, comhchruinniughadh an Tighearna,
agus a neisteachd ar Ndé, coimhé[illegible]
agus íarruidh uile aitheanta bhur Ti[illegible]
earna Dé, chor go sealbhochthaoi an
rann maithsi, agus go bhfuigfidhe é [illegible]
oidhreachd ag bhur ccloinn bhur [illegible]
go bráth.
9 Agus thusa, a Sholuimh a [illegible]
bíodh fios Dé hathar agad, agus [illegible]
serbhis dó le croidhe iomlán, [illegible]
toil aontadhuigh: óir spíonuidh [illegible]
Tighearna na huile chroidhthe, [illegible]
tuigidh sé na huile bhreathn[illegible]
na smuaintigheadh; ma iarra[illegible]
é, do gheabha tú é, acht má [illegible]
gionn tú é, teilgfidh sé úadh[illegible]
go bráth.
10 Bí ar do choimhéad anois:
do thogh an Tighearna thú do [illegible]
nadh tighe don tsanctóir; bí láidir, [illegible]
gus déana é.
11 Ann sin thug Dáibhi do Shol[illegible]
a mhac, eisiomláir an phóirse, agus [illegible]
thightheadh, agus a theagh [illegible]
agus a sheomradh úachdarach, agus [illegible]
phárlús do bfaide a steach, agus [illegible]
cathaóire trócaire.
12 Agus esiomláir na huile [illegible]
dá bhfuáir ón spiorad, chúirtean[illegible]
an Tighearna, agus na séomradh [illegible]
chioll fá ccuáirt, agus ionnm[illegible]
ghe Dé, agus stórúis na [illegible]
ccoisreactha.
13 Mar an ccéadna do chúrsaibh
na sagart, agus na Lebhíteach, [illegible]
don uile obair sherbhíse thighe an Ti-
ghearna, agus a nuile shoitheach [illegible]
a ttigh an Tighearna,
14 Thug sé ór a ccomthrom [illegible]
na neitheann óir; do nuile ionstru-
ment do nuile ghné sherbhíse: [illegible]
giod mar an gcéadna do nuile in-
struiment airgid, le comhthrom, do nuile
ionstruiment dá gach uile shórt serbhíse.
15 Eadhon comhthrom chum na
choinnleóir óir, agus dá lampadhuibh,
lé comhthrom do gach éanchoinnle-
óir, agús dá lampadhuibh: agus do
na coinnleoiribh airgid lé comhthrom,
don choinnleoir mar an gcéadna, agus
dá lampadhuibh, do réir usaide gach
choinnleóra.
16 Agus lé tomhus thug sé ór chum
bórd a naráin taisbmeanta, dá gach aon
bhórd, agus airgiod mar an gcéadna
na bórduibh airgid.
17 Or fíorghlan mar an [illegible]
chum na nadhal, agus chum na [illegible]
ladh, agus na ccupán, agus chum a
mbáisín órdha thug sé or tomhuiste
chum gach aon bháisín, agus [illegible]
airgiod tomhuiste chum gach aon bh[illegible]
sin airgid.
18 Agus chum altóra na tùise, ór
aithleaghtha lé tomhas, agus ór chum
eisiomlára charbuid na Cherúbh[illegible]
noch do leathnuigh amach a [illegible]
agus dfolchadar áirc chunnartha [illegible]
Tighearna.

19 [illegible]

19 Iadso re chéile [arsa Dáibhi] do
chuir an Tighearna dhamhsa a scríbhinn
na láimh orumsa, eadhon uile oibrea-
cha na heisiomláiresi.
20 Agus a dubhairt Dáibhi re So-
lamh a mhac, Bí láidir, agus bíodh me-
isneach mhaith agad, agus déana é; ná
bíodh eagla ort, agus na bi anbhuái-
neach: óir biáidh an Tighearna Día,
eadhon mo Dhíasa leachd, ní fhailleo-
chaidh sé ort, ni mó thréigfe sé thú, nó
go ccríochnuighe tú a nuile obair chum
seirbhíse thighe an Tighearna.
21 Agus féuch cúrsadha na sagart,
agus na Lebhiteach, chum uile sher-
bhíse tighe Dé, agus béid agadsa chum
gach uile shórt oibre, gach éanduine
toileamhail glic do gach gné sheirbhíse; béid
na prionnsadha fós, agus an pobal uile
air do chomhairle go hiomlán.

C A I B. XXIX.

Tiodhlacadh Dhaibhi, & na bprionnsadha.
& a bhriathra deigheannach.

TUilleamh oile a dubhairt Dáibhi
Rígh ris an ccomhchruinniughadh
uile, Mo mhac Solamh, amháin, noch
do thogh Día, atá sé fós óg agus maoth,
agus atá a nobair mór: óir ni do
dhuine atá an pálás, achd don Tigh-
earna Día.
2 Anois do ghléas misi óm uile neart
a ccoinne thighe mo Dhé, an tór a
ccoinne na neitheann óir, agus an tair-
gid a ccoinne na neitheann airgid, agus
an prás a ccoinne na neitheann práis, an
tiarann a ccoinne na neitheann iaraínn,
& an tadhmad a ccoinne na neitheann
adhmuid, clocha Onix, agus clocha cuir,
clocha loinneardha, agus ioldhathach,
agus a nuile shórt cloch uasal, agus clo-
cha marmuir go lór.
3 Tuilleamh fós, do bhrígh gur chuir
mé mo dhúil a ttigh mo Dhé, atá agum
dom sheilbh dhílis féin dór agus dairgiod,
noch do thronn mé do thigh mo Dhé, ós
cionn ar ghléas mé uile a ccoinne an
tighe naomhtha.
4 Eadhon trí mhíle tallann óir, dór
Ophir, agus seachd míle tallann airgid
athleaghtha, dfolach balladh na ttigh-
theadh.
5 An tór chum na neitheann óir, & an
tairgiod chum na neithionn airgid, &
chum gach uile shórt oibre re láimh
na bhfear ceirde. Agus cía anois atá
toilamh do choisreagadh a sheirbhíse
a niugh don Tighearna.
6 Ann sin do ofráladar go toileamhuil
cinn na naithreach, agus prionnsadha
threabh Israel, agus caiptinigh na míl-
eadh, agus na ccéad, maille re húachda-
ránaibh oibre an Rígh.
7 Agus thugadar chum serbhíse thighe
Dé cúig mhíle tallann óir, agus deich
míle dramma; agus deich míle tal-
lann airgid, agus ocht míle dhéag tal-
lann phráis, agus céad míle tallann ia-
rainn.
8 Agus an drong ag ár frith clocha
mórluaigh, do chuireadar a nionnmhus
thighe an Tighearna iad, le láimh Jehiel
an Gersoníteach.
9 Annsin do gháirdigh an pobal do
bhrígh gur ofráladar go haontadhach
lé croidhe iomlán don Tighearna:
agus do gháirdigh Dáibhi Rígh mar an
gcéadna le lúathgháir mhóir.
10 Uimesin do bheannuigh Dáibhi
an Tighearna a láthair an chomhchruin-
nigh uile, & a dubhairt Dáibhi, Go madh
beannuigh thú a Thighearna Día Israel
ar nathar go síoghal na saoghal.
11 As leatsa, a Thighearna, an mhór-
dhachd, agus na cumhachda, águs an
bhuáidh, agus an ríoghamhlachd; óir is
leachd a nuile ní da bhfuil ar neamh, &
air talamh: as leachd an ríoghachd, a
Thighearna, agus atá tú ar hardughadh
mar cheann ós cionn a nuile ní.
12 As uáitsi thig saidhbhrios ar-
aon, agus onóir, agus atá tú ad rígh
ós cionn a nuile, agus ann do láimh
atá cumhachda, agus neart, agus is ann
do láimh atá mór do dhéanamh, agus
neart do thabhairt don nuile.
13 Anois ar a nadhbharsin, ar Ndía,
bheirmid buidheachus riot, agus molma-
oid hainm glórmhar.
14 Acht cía misi, agus cred iad mo
dhaoine, as a mbiadh ionnuinn ofráil an
comhthoilteanach so air an modhsa? óir
is uáitse thig gach uile ni, agus dot
chuid fein thugamar dhuit.
15 Oir is coimhithigh sinn ad fhiagh-
nuise, agus luchd cúarta sin, mar do bhá-
dar ar naithre uile: ataid ar láethe
ar an ttalamh amhuil scáile, air nach
bhfuil fuireach.
16 O a Thighearna ar Ndía, an stórsa
uile do ghléasamar do dhéanamh tighe
dhuitsi dot ainm náomhtha, as do láimh
féin thig sé, agus is leachd féin é uile.
17 Atá a fhios agam mar an gcéadna,
ó mo Dhía, go bhféachann tusa an
croidhe, agus go bhfuil sólás agad annsa
bhfíréantachd: ar mo shonsa, a nionnracus
mo chroidhe dofráil mé na neithesi uile
go toileamhuil: agus do chonnuirc mé
anois maille re gáirdeachus, do phobal,
noch atá a láthair annso, ag ofráil go
toileamhuil duitsi.
18 O a Thighearna Día Abraham,
Isaac, agus Israel ar naithrene, cumhduigh
so go bráth a mbreathnughadh smuain-
tighthe chroidhe do phobail, agus ull-
mhuigh a ccroidhe dhuit féin.
19 Agus tabhair dom mhac Solamh
croidhe iomlán do choimhéad haithean-
tadh, thfiaghnuiseadh, agus do reachda,
agus do dhéanamh na neithionnso uile,
agus do chur an phálais súas, a ccoinne
a ndéarna misi solathar.
20 Agus a dubhairt Dáibhi ris an
ccomhchruinniughadh uile, anois molaidh
bhur Ttighearna Día. Agus do bheannuidh

an comhchruinniughadh uile an Tighear-
na Día a naithreadh, agus do chromadar
a ccinn síos, agus do onóruigheadar an
Tighearna, agus an Rígh.
21 Agus do ofráladar iodhbhartha don
Tighearna, agus do íodhbradar ofráil
loisge don Tighearna ar na mhárach
déis an laói sin, eadhon míle damh, míle
reithe, agus míle úan, maille re na
nofráluibh dighe, agus íodhbartha ar
son Israel uile.
22 Agus a dúadar, agus dibheadar as
coinne an Tighearna an lásin maille re
gáirdeachus mór, agus do rinneadar Rígh
do Sholamh mhac Dáibhi an dara huáir,
agus do ungadar é don Tighearna chum
bheith na árduachdarán, agus Sadoc
chum bheith na Shagart.
23 Ann sin do shuigh Solamh a cca-
thaoír an Tighearna na Rígh a náit Dhái-
bhi a athar, agus tháinic sé ar a aghaidh,
agus dumhluidh Israel uile dhó.
24 Agus dumhluigheadar na prionn-
sadha, agus na daóine cumhachdacha
uile, agus fós uile mhic Dháibhi Rígh
iad féin don Rígh Solamh.
25 Agus do mhéuduigh an Tigh...
Solamh go hanmhór a radhairc...
uile, agus do bhronn sé dhó a leithéi...
do ríoghamhlachd, nach raibh in...
rígh roimhe a Nisrael.
26 Marso sa Rígh Dáibhi mhac...
ós cionn Israel uile.
27 Agus budh ceathrachad bli...
aimsir a ríghe ós Israel; seachd...
na do bhí sé na Rígh ann Hébron...
trí bliadhna air thriochad a ríghe...
rusalem. Agus déug sé a naóis...
fhoirfe, lán do laéthibh, do shaidh...
agus donóir: agus do bhí Sola...
Rígh iona áit.
28 Annois gníomha Dháibhi Rí...
thús go deireadh, féach, a táid scríob...
a leabhar Shamuel an feuchadóir...
leabhar Nátan an fáigh, agus a le...
Ghad an feuchadóir,
29 Maille re na ríghe uile, agus...
chumhachd, agus a naimsir do ch...
thairis, agus thair Israel, agus...
nuile ríoghachd na ttíorthadh.

AN DÁRA LEABHAR DO NA CROINICI...

CAIB. I.

Do Fuair Solamh o Dhia, 7 Gliocas 13 Neart agus Saidhbhrios.

AGus do neartuigheadh So-
lamh mhac Dáibhi iona rí-
oghachd, agus do bí a Thi-
ghearna Día maille ris, a-
gus do mhéuduigh sé é go
hiomarcach.
2 Ann sin do labhair Solamh re Hisrael
uile, re caiptíneadh na míleadh, agus na
ccéad, agus ris na breitheamhnuibh, agus
re gach áon úachdarán ann Israel uile, re
ceannuibh na naithreach.
3 Mar sin do chuáidh Solamh, agus an
comhchruinniughadh uile iona fhochair
don náit áird do bhí an Gibeon: óir is
annsin do bhí Tabernacuil chomchruinnigh
Dé, noch do rinne Maóise searbhfhoghan-
tuigh an Tighearna ann sa bhfásach.
4 Acht tuug Dáibhi Airc Dé ó Chiri-
at-iarim súas gus a náit do ullmhaigh
Dáibhi roimpe; óir do chuir sé loístin
na sheasamh dhi ann Jerusalem.
5 Tuilleamh fós, do chuir sé an altóir
phráis do rinne Besaleel mhac Uri,
mhic Hur, as coinne Thabernacuil
an Tighearna: agus do ghuidh So-
lamh, agus an comhchruinniughadh aice.
6 Agus do chuáidh Solamh súas ann-
sin gus a naltóir phráis a lathair an Ti-
ghearna, noch do bhí ag Tabernacuil
an chomhchruinnigh, agus dofráil sé míle
íodhbuirt loisge uirre.
7 Annsa noidhche sin dfoillsigh Día
é féin do Sholamh, agus a dubhairt sé
ris; íarr cred bhéarus me dhuit.
8 Agus a dubhairt Solamh ré Día,
do thaisbéin tú grása móra d...
Dáibhi, agus do chuir tú misi do r...
iona áit.
9 Anois, a Thighearna Día, c...
líontar do ghealladh dom athair D...
óir do rinne tú Rígh dhíomsa air p...
coimhlíonmhar re luáithreadh na t...
10 Tabhair dhamh anois eagna...
éolus, lé a racha mé amach, ag...
ttiucsa mé a steach roimhe an b...
óir cia dá ttig breitheamhnus do...
námh air do phobal atá an comh...
11 Agus a dubhairt Día re Solamh, ó
bhrígh go raibh so ann do chroidhe, a-
gus nár íarr tú saidhbhrios, maóin, n...
onóir, no bás do námhad, agus fós nír
íarr tú saoghal fada; achd...
tú eagna agus eólus dhuit féin, go m...
féidir leachd breitheamhnus do dhé...
namh ar mo phobalsa ós cionn a ...
na mé Rígh dhíot.
12 Do háontuigheadh eagna agus é...
lus duit, agus do bhéara mé saidhb...
ríos duit, águs maóin, agus onóir...
leithéid nach bhfuair aon do na Ríg...
thibh do bhí romhad, agus nach bh...
éanduine ad diáigh a leithéid.
13 Ann sin tháinic Solamh ó...
áird do bhí ann Gibeon, go Hierus...
ó lathair Thabernacuil an chomh...
nnigh, agus do bhí na Rígh ós cionn Is...
14 Agus do chruinnigh Solamh ...
buid, agus marcshlúagh, agus do...
míle, agus ceithre chéad carbad ag...
agus dhá mhíle dhéag marcach, noch do
shuidhigh sé a ccaithreachaibh na c...
bad, a bhfochair an Rígh ann Jer...
15 Agus thug an Rígh...

agus ór ann Jerusalem mar chlocha, agus
do rinne croinn cédair ann ambuil croinn
sicomoir, noch atá san ghleann, air lion-
mhaireachd.
16 Agus tugadh eich chum Soluimh
as an Neigipt, agus snáth lin: do ghla-
cadis ceannuighthe an Righ an snáth
ar a lúach.
17 Agus thugadar suas, agus rugadh
amach as an Négipt carbad air cheann
sé chéad Secel airgid, agus each ar
cheann chéad agus cháugad: agus mar-
sin thugadar léo eachraidh do Riogh-
aibh na Hittiteach uile, agus do Riogh-
aibh na Siria, le na láimhsion.

C A I B. II.

Deasughadh arson thogbhalá an Teampuill.

AGus do thionnsguin Solamh tigh
do dhéanamh dainm an Tighearna,
agus tigh dhá rioghachd.
2 Agus do áirimh Solamh amach
trí fithchid agus deich mile díomchar
ualach, agus ceithre fithchid mile doi-
briughadh annsa tsliabh; agus trí mhíle,
agus sé chead dféachuin os a ccionn.
3 Agus do chuir Solamh (teachda)
go Huram Rígh Tíor, gha rádh, mar do
rinne tú re mathair Dáibhi, agus gur
chuir tú cedair chuige do dhéanamh
tighe dhó iona ndéanadh sé comhnuighe,
[déana marsin riomsa.]
4 Féach, atáim ag deanamh tighe
dainm mo Thighearna Dé, da choisrea-
gadh dhó, agus do losgadh túise déagh-
bholaidh dá lathair, agus don narán tais-
beanta laetheambuil, agus do na hofrá-
libh loisge maidin agus tráthnóna, ann-
sna sabboidibh, agus annsna reéibh nú-
adha, agus a bhféastuighibh sollamanta ar
Tighearna Dé: ata so dúalach air
Israel go bráth.
5 Agus an tigh atáim do dhéanamh,
budh mór é: óir is mór ar Ndia ós cionn
gach uile dhée.
6 Acht cia fhéadas tigh do dhéanamh
dhó, ó nach féidir lé neamh, agus re
neamh na neamh a rochduinn ionta?
cia misi air a nadhbharsin as a ndéa-
nuinn tigh dhó, achd amháin íodhbur-
tha do losgadh as a choinne?
7 Cuir chugam anois uimesin duine
glic a noibriughadh a nór, agus a nairgiod,
agus a bprás, agus a niarann, agus a
bpurpuir, agus a ndearg, agus a ngorm,
agus agá mbia eólus a ngreannadh a bh fo-
chair na ndáoine nglic atá agamsa ann
Judah, agus ann Jerusalem, noch do sho-
lathair Dáibhi mathair.
8 Cuir chugam mar an gceadna croinn
chédair, croinn ghiumhuis, agus croinn
Algam as Lebanon: (óir is fios damh gu-
rab éolgach do shearbhshoghantuighidhse
air adhmad do ghearradh a Lebanon)
agus féuch, béid mo mhuintirse a bhfo-
chair do mhuintire,
9 Eadhon dullmhughadh adhmáid
dhamhsa go lór: óir an tigh atáim ar ti
do chur suas, budh iongantach a mhéid.
10 Agus féach do bhéara mé dot
mhuintir na géarrthóirighe ghéarrfus
adhmad, fithche mile miosúr do chruith-
neachd bhuáilte, agus fithche mile miosúr
éorna, agus fithche mile soitheach fiona,
agus fithche mile soitheach ola.
11 Ann sin do fhreagair Huram Rígh
Tíor a scríbhinn, noch do chuir sé go So-
lamh; Do bhrigh gur bionmhuin leis an
TTighearna a dhaoine, do rinne sé Rígh
dhiotsa ós a ccionn.
12 A dubhairt Huram fós, go madh
beannuigh an Tighearna Día Israel, noch
do rinne neamh agus talamh, noch thug
mac glic do Dhaibhi, lán do chrionnachd
agus do thuigsin, noch do chuirfeadh tigh
suas don Tighearna, agus tigh dhá riogh-
achd.
13 Agus anois do chuir misi chugad
duine glic tuigsionach do mhuintir ma-
thar Huram;
14 Mac mná dingheanuibh Dan, a-
gus duine do Thior a athair, glic a
noibriughadh a nór, agus a nairgiod,
a bprás, a niarann, a ccloich agus a
nadhmad, a bpurpuir, a ngorm, agus a
linéadach fhínéulta, agus a ndearg: agus
mar an gcéadna do ghreannadh gach
éantsoirt oibre greanta, agus do bhreith
éoluis air gach uile stuáim da ccuirfigh-
thear chuige maille re do dhaoinibh
gliocasa, agus re daoinibh glioca mo Thi-
ghearna Dáibhi hathair.
15 Anois ar a nadhbharsin, an chruith-
neachd, agus a néorna, a nola, agus
an fíon air ar labhair mo thighearna,
cuireadh sé úadh iad chum a shearbhsho-
ghantuigheadh.
16 Agus géarrfuimne adhmad as Le-
banon an mhéid bhus uireasbuidh ort, a-
gus béaram linn na slíoduibh iad air an
bhfairge go Joppa, agus béara túsa as
sin go Hierusalem iad,
17 Agus do áirimh Solamh a raibh
do choimhitheachuibh a ttir Israel, do
réir na nuibhreach lear áirimh Daibhi
a athair iad; agus do frith dhiobh céud
agus cáogad mile, agus trí mhile, agus
sé chéad.
18 Agus do chuir sé trí fithchid
agus deich mile dhiobh diomchar ualach.
agus ceithre fithchid mile doibri-
ughadh san tsliabh, agus trí mhile agus
sé chéud ós a ccionn dá mbrostadh iona
nobair.

C A I B. III.

Togbhala an Teampuill.

AN sin do thosuigh Solamh ar thigh
an Tighearna do dhéanamh ann
Jerusalem a sliabh Móriah, mar ar fhoill-
sigh an Tighearna é féin da athair
Dáibih, ann sa náit do ghléus Dáibhi,
a nurlár buáilte Ornan an Jebusi-
teach.

2 Agus do thoſuigh ſé a nobair an
dara lá don dara mí, annſa cheathra-
mhadh bliadhain da ríghe.
3 Anois is iadſo na neithe ionar teag-
uiſgeadh Solamh do dhéanamh tighe Dé:
a fhad a ccubhaduibh do réir an chéad-
tomhuis, do budh trí fithchid cubhad,
agus a leithead fithche cubhad.
4 Agus an póirſe, noch do bhí a
néadan an tighe, do bé a fhad do réir
leithne an tighe, fithche cubhad, agus
céad agus fithche cubhad na áirde; a-
gus dfoluigh ſé taobh a ſtigh é le hór
fíorghlan.
5 Agus air an tteagh ſa mó do chuir
ſé ceann le crannuibh giumhuis, noch
dfoluigh ſé lé hór fíorghlan, agus do
chuir air ſin croinn phailme, agus ſlabh-
ruidhe.
6 Agus do dheaghmhaiſigh ſé an tigh
lé clochaibh uaiſle mar ſcéimh: agus
do budh dór Parbhaim an tór.
7 Dfoluidh ſé mar an ccéadna ſal-
tacha an tighe, a phoſtuidhe, agus a
bhalluidhe, agus a dhoirſe lé hór, agus
do ghrean ſé Cherubinigh air na bal-
ladhuibh.
8 Agus do rinne ſé an tigh is ro
náomhtha: do bé a fhad ſin do réir
leithne an tighe fithche cubhad, agus
a leithiod fithche cubhad, agus dfoluigh
ſé lé hór fíorghlan é: ráinic ſé chum ſé
chéad tallann.
9 Agus do budh cáogad Secel óir
comhthrom na ttáirngeadh: agus dfo-
luigh ſé na ſeomradha úachdarach le
hór.
10 Agus annſa náit ro náomhtha do
rinne ſé dhá Cherubín dobuir ſhoghluaiſte,
agus dfoluigh ſé lé hór íad.
11 Agus do bhí fithche cubhad ar fad
a ſciathánuibh na Cherubinigh: cúig
cubhaid a néainſciathán ag rochduin go
balla an tighe: agus cúig cubhaid ſan
dara ſciathán, ag rochduin go ſciathán
an Cherub oile.
12 Agus do bhí cúig cubaid a néain-
ſciathán don Cherub oile, ag rochduin
go balla an tighe: agus do bhí fos cúig
cubhaid ſan ſciathán oile, teanta ré ſcia-
thán an Cherub oile.
13 Do leathnuigheadar ſciatháin na
Cherubſa iad féin amach fithche cubhad:
agus do ſheaſadar air a ccoluibh, agus
a naighthe a ſteach.
14 Agus do rinne ſé an folach do ghorm,
agus do phurpair, agus do dhearg, agus do
línea dach fhineálta, agus doibrigh ſé Che-
rubinigh air ſin.
15 Do rinne ſé mar an ccéadna as
coinne an tighe dhá philéur, cúig cu-
bhaid déag agus fithche ann air airde, a-
gus an ſa ccéann do bhí air mhullach
gach aon díobh, cúig cubhaid.
16 Agus do rinne ſé ſlabhruidhe mar
bhíos annſa noracuil, agus do rinne ſé
céud pomeranat, agus do chuir ſé air na
ſlabhradhuibh íad.
17 Agus do thóg ſé ſúas na piléir
coinne an teampuill, áon ar an láimh
dheis, agus an dara piléar air
láimh chlé; agus thug ſé Jachin
air ſin don láimh dheis, agus Boas air
don láimh chlé.

C A I B. IV.

Maiſiughadh, agus ſoithighe an Teampuill.

TUilleamh eile fós, do rinne ſé
tóir phráis, fithche cubhad
fad, agus fithche cubad a leithead,
deich ccubhaid a háirde.
2 Do rinne ſé mar an ccéadna
ge leaghtha deich ccubhaid ó bhruach
go brúach, cruinn air gach
agus do budh deich ccubhaid a
agus do ghabh líne thríochad
timchioll na fairge ſa ccúairt.
3 Agus faoi ſin do bhí coſamhlacht
dhamh, noch do thimchiollaigh é
ccúairt; deich iona ccubhad ag timchiol-
ghadh na fairge ſa ccúairt; do teilgeadh
dhá chúrſa damh, a nuáir do teilgeadh
4 Do ſheas ſin air dhá dhamh dhéag
trí ag féuchuin don leath thúaigh,
trí ag féuchuin don leath ſhiar,
trí ag féuchuin don leath theas,
trí ag féachuin don leath ſhoir:
ſhuighidh ſé a nfairge ſhuas orra,
a leith deírigh uile a ſteach.
5 Agus do bhí lán duirnn ar
agus a bruach ſin coſmhuil ré
namh brúaich cupáin maille re
lile: do chongmhadh ſé tri mhíle
6 Do rinne ſé mar an ccéadna
lábhéir, agus do chuir a cúig dhíobh
an láimh dheis, agus a cúig air an láimh
chlé, dionnladh ionnta: do nigheadh
na neithe dofraláidis mar ofráil
acht is re haghaidh na ſagart do bhí
nfairge, dionnladh innte.
7 Agus do rinne ſé deich coinn-
leóirigh óir do réir a ccumtha,
do chuir ſé ſan teampall iad, a cúig
an láimh dheis, agus a cúig ar an láimh
chlé.
8 Do rinne ſé mar an ccéadna
mbuird, agus do ſhuidhigh ſé ſan tea-
pall íad: a cúig ar an ttaobh ndeas,
a cúig ar an ttáobh celé, agus do
ſé céad bulla óir.
9 Tuilleamh oile fós, do rinne
cúirt na Sagart, agus an chuirt
agus doirſe don chúirt, agus dfoluigh
na doirſe lé prás.
10 Agus do ſhuighidh ſé a nfairge
an ttáoibh ndeas don chionn ſhoir,
as coinne an taoibh theas.
11 Agus do rinne Húram na
agus na ſluáiſte, agus na báiſinigh,
do chríochnuigh Húram a nobair do
ré a dhéanamh aige, don Rígh
air thigh Dé:
12 Mar atá an dá philéur,
mill, agus na cinn noch do bhí
lach an dá philéur, agus an dá

chan dfolach mheall na cceann, noch do
bhí air mhullach na bpiléur:
13 Agus ceithre chéud pomgranat air
an dá fhidheachán, dhá chúrsa pomgra-
nat ar gach fighcachán, dfolach dhá ubhall
na cceann, noch do bhí air na piléuruibh.
14 Do rinne sé mar an gcéadna bása,
agus do rinne sé oighne móra ar na
básuibh;
15 Aon fhairge, agus dhá dhamh dhéag
faithigh:
16 Na potadha mar an ccéadna, agus
na sluaiste, agus na hadhail, agus a nin-
strúimenteadh uile, do rinne athair Hu-
ram don Rígh Solamh, chum tighe an
Tighearna, do phrás loinneardha.
17 A réiteach Jordan do theilg an Rígh
iad, annsa talumh chríadha eidir Succot
agus Seredatah.
18 Is marso do rinne Solamh na
soighthighesi uile go nuibhir mhóir: óir
nír bhféidir comhthrom an phrás do
mheas.
19 Agus do rinne Solamh na soigh-
thighe uile do thigh Dé, a naltóir óir
mar an ccéadna, agus na buird air ar
cuireadh an tarán taisbéanta.
20 Agus fós na coinnleóirigh gun a
lóchrannuibh, chor go mbéidís lasta do réir
an gnátha as coinne an Noracuil, dór
fhíorghlan.
21 Agus do rinne sé na blátha, agus
na lampuidhe, agus na teanchairigh dór,
agus sin dór fhíorghlan.
22 Agus na glantóirigh, agus na bul-
fadha, agus na liacha, agus na senseir, dór
fhíorghlan: agus dul a steach an tighe,
na doirse budh saide a steach ar a nait
naomhtha, agus doirse thighe an
Teampuil, dob ór iad.

CAIB. V.

*Iomlanughadh thighe Dé. 2 An Airce. 11 Tar
éis moladh na ccantairighe, do thaisbein
Dia a ghlóir.*

IS mar so do críochnuigheadh a nuile
obair da ndéarna Solamh do thigh
an Tighearna: agus thug Solamh a
steach gach uile ní dár thiodhluic
Dáibhi a athair, agus do chuir sé an
tairgiod, agus an tór, agus na huile
instrumente a meásc ionnmhuis thi-
ghe Dé.
2 Annsin do chruinnigh Solamh sinn-
sir Israel, agus cinn na ttreabh uile,
tighe aithreadh chloinne Israel, go Hie-
rusalem, do thabhairt Airce chunnartha
an Tighearna súas as cathruigh Dháibhi,
as Sion.
3 Uimesin do chruinnigheadar fir Is-
rael iad féin uile chum an Rígh ar an bhféa-
sta, noch do bhí annsa seachdmhadh mí.
4 Agus thangadar sinnsir Israel uile,
agus do thogbhadar na Lebhítigh an
Nairc súas.
5 Agus rugádar an Náirc súas, agus
Tabernacuil an chomhchruinnigh, agus
a rabhadar do shoithighibh naomhtha
annsa Tabernacuil, thugadar na sagairt
agus na Lebhítigh leó súas iad.
6 Mar an ccéadna do rinne an Rígh
Solamh, agus comhchruinniughadh Israel
uile, noch do chruinnigh chuige as cuinne
na Háirce, íodhbairt caorach agus damh
nár bféidir innisin nó áiriomh ar ioma-
damhlachd.
7 Agus thugadar na Sagairt Airc chun-
nartha an Tighearna a steach na háit
féin, go Horacuil an tighe don náit ro ná-
omhtha; eadhon faoi sciathánuibh na
Cherubínigh.
8 Oir do leathnuigheadar na Cheru-
bínigh amach a sciatháin ós cionn áite na
Háirce, agus dfolchadar na Cherubi-
nigh an Airc, agus a maideacha ós a
cionn.
9 Agus do thairngeadar amach maidea-
dha na Háirce, chor go bhfaicthi cinn
na maideadh amach ón Airc as coinne
an Noracuil: acht ní facus amuigh iad,
agus atáid annsin gus a niugh.
10 Ní raibh éinni san Airc achd an
dá chlár do chuir Maóile innte ag Hó-
reb, a nuáir do rinne an Tighearna cunn-
radh ré cloinn Israel, an tan do thanga-
dar ón Negipt.
11 Agus tárla a nuáir thangadar
na sagairt amach as a náit náomhtha
(óir do náomhadh a rabhadar do sha-
gartuibh a lathair, agus ní rabhadar
ag feithiomh do réir sheala an tansin:)
12 Mar an gcéadna, na Lebhí-
tigh do bhí na luchd ceóil, sliochd A-
saph, agus Heman, agus Jedutun
uile, maille re na macaibh, agus le
na ndearbhraithribh; ar na néadu-
ghadh a lineadach gheal, agus cimbail
aca, agus saltracha, agus cláirseacha,
do sheasadar ag an cheann shoir don nal-
tóir, agus céud agus fithche sagart
maille riu, ag déanamh fhuáime re
stocuibh.)
13 Tarla a nuáir do bhádar luchd
séideadh na stoc, agus na cantairighe
amhuil áon, do dhéanamh éanghotha a-
mháin ré a chluinsion, a ttabhairt molta
agus buidheachus don Tighearna, agus
a nuáir do thogbhadar a nguth súas
leis na stocuibh, agus leis na cimbaluibh,
agus lé hadhbhuibh ciuil, agus ar mho-
ladar an Tighearna [gha radh] Oir is
maith é, óir mairigh a thrócaire go
bráth: annsin gur líonadh tigh an Ti-
ghearna a stigh le néull;
14 Iondus nar fheadadar na sagairt
seasamh do mhiniostralachd, do bhrígh
an neóill: óir do líon gloir an Tighear-
na tigh Dé.

CAIB. VI.

*Solamh ar beannughadh an phobail dó, 12
Do choisrig sé an Teampull lé hur-
naidhe.*

AN sin do ráidh Solamh; A dubh-
airt an Tighearna, go ndéanadh lé
comhnuigh

comhnuigh annsa dorchadus thiugh.
2 Acht do rinne misi tigh comh-
nuigh dhuit, agus ionad háitreibhe go
bráth.
3 Agus diompóigh an rígh a aghaidh,
agus do bheannuigh sé comhchruinniu-
ghadh Israel go hiomlán (agus do sheas
comhchruinniughadh Israel uile.)
4 Agus a dubhairt seision, Go madh
beannuigh bhias an Tighearna Día Israel,
noch do coimhlion le na láimh an ní
do labhair sé le na bhéul rém athair
Dáibhi, dhá rádh,
5 On ló sa ttug mé amach mo pho-
bal as crích na Hegipte, níor thogh
mé aonchathair do chaithreachaibh thre-
abh Israel do dhéanamh tighe innte,
iondus go mbiath mainm annsin, ní mó
do thogh mé aonduine do bheith na
uachdarán ós cionn mo phobuil Israel.
6 Acht do thogh mé Jerusalem, chor
go mbiath mainm annsin, agus do
thogh mé Dáibhi chum a bheith ós cionn
mo phobail Israel.
7 Anois do bhí a ccroidhe Dháibhi
mathar tigh do dhéanamh dainm an
Tighearna Día Israel.
8 Acht a dubhairt an Tighearna
ré Dáibhi mathair; Do bhrigh go raibh
ann do chroidhe tighe do dhéanamh
dom ainmsi, is maith do rinne tú sin
do bheith ad chroidhe.
9 Gidheadh ní tusa dhéanas an tigh,
achd do mhac, noch thiucfas amach as
tinnighibh, ise dhéanas tigh dom ainmsi.
10 Do chomhuill an Tighearna air a
nadhbharsin a bhriathar, noch do labhair
sé: óir déirigh misi suas a náit mathar
Dáibhi, agus ataim mo shuighe a cca-
thaóir ríogha Israel, mar do gheall an
Tighearna, agus do rinne mé an tigh
dainm an Tighearna Día Israel.
11 Agus is ann do chuir mé an Nairc,
mar a bhfuil cunnradh an Tighearna do
rinne sé ré cloinn Israel.
12 Agus do sheas sé as coinne altó-
ra an Tighearna a lathair chomhchruin-
nigh Israel uile, agus do leathnuigh sé
amach a lámha.
13 (Oir do rinne Solamh scafal
práis, do chúig cubhaid ar fad, & cúig
cubhaid ar leithead, agus trí cubhaid
ar áirde, agus do chuir a lár na cúirte
é, agus is air sin do sheas sé, agus do
léig a ghlúine faoi as coinne chomh-
chruinnigh Israel uile, agus do leathnuigh
sé a lámha amach leath re neamh.)
14 Agus a dubhairt sé, ó a Thighearna
Día Israel, ní bhfuil Día cosmhuil riot
ar neamh nó air talumh, noch chomh-
allas cunnradh & thaisbeanus trócaire
dot shearbhfhoghantuibh, noch shiubhluí-
ghios as do choinne ó na nuile chroidhe.
15 Thusa, noch do chomhuill dom
athair Dáibhi do shearbhfhoghantuigh
an ní do gheall tú dhó, agus do labhair
tú red bhéul, agus choimhlion led láimh
é, mar atá a niugh.

16 Annois ar a nadhbharsin a Ti-
ghearna Día Israel, coimhuill
shearbhfhoghantuigh mathair Dá
an ní do gheall tú dhó, dha rádh, Ní
illeochuidh duine thú an mo radharc
shuighe a ccathaoir ríogha Israel,
amhain go ttugaid do chlann aire
slighe, do shiubhal ann mo dhlighe
mar do shiubhail tusa am lathair.
17 Anois maiseadh, a Thighearna D
Israel, fiorthar thfocal, noch do lab
tú red shearbhfhoghantuigh Dáibhi.
18 (Acht an deimhin go ccomh
chuidh Día a bhfochair daoine ar
ttalamh? féach ní fhéadann neamh
do chongmháil: cred é níos lugha
sin an tighse do rinne misi?)
19 Bíodh meas agad uimesin ar
naigh do shearbhfhoghantuigh,
air a iarratus, a Thighearna mo D
do thabhairt éisteachd don ghairm
gus don nathchuinge ghuidheas do
bhfhoghantuigh ad lathair.
20 Iondus go mbiath do shúile
air an ttighse do ló & doidhche, ar
náit dar labhair tú go ccuirfea
ann, déisteachd ris an nguidhe do
shearbhfhoghantuigh annsa náitse.
21 Tabhair éisteachd ar a
do ghearánuibh do shearbhfhog
& do phobail Israel, noch do
siad chum na háitesi; cluin thusa ó
comhnuigh, eadhon ó neamh,
air chluinsios tú, tabhair maith
[dóibh.]
22 Má pheacuigheann duine a
a chomharsann, & go ttiubharthar
air, do thabhairt a mhionn, & go
fuid na mionna a lathair haltóra
tighse:
23 Annsin cluinse ó neamh, &
beir breath air do shearbh
ghibh a ccúitiughadh ris an
ag tabhairt luaigheachd a shlighe
a cheann féin, & a nglanadh a
tabhairt dhó do réir a ionnracais.
24 Agus má beirthear an chuid
dot phobal Israel roimhe an
bhrigh gur pheacuigheadar ad
& go bhfillfid siád, & go
hainmsi, & guidhe do dhéanamh
gearán ad lathair annsa tighsi.
25 Annsin cluinsi ó neamh agus
peacadh do phobuil Israel, agus
iad a rís don dúithche noch
dhóibh féin agus dá naithribh.
26 A nuair dhruidfighthear neamh
nach bía fearthuinn ann, do bhrigh
pheacuigheadar ad aghaidhsi;
dbid siad leath ris a náitsi, &
dadmháil, agus filleadh ó na
uibh an tan phianus tusa iad:
27 Ann sin cluinsi ó neamh, &
peacadh do sheirbhiseach, & do pho
Israel, a núair mhúinseas tú an
mhaith dhóibh iohar cóir dhóibh
& cuir fearthuinn air an talamh,
thug tú dot phobal mar oighreachd.

28 Ma

28 Má bhíonn gorta annsa dúithche, má bhionn pláigh, má bhíonn súnngha[illegible], nó drúchd millteach, nó locust, nó [illegible]terpiller, agus má shuighid a naimhde na [illegible]nchioll a ccaithreachaibh a ttíre, gidh [illegible] goimh, nó gidh bé tinneas bhías ann:

29 Annsin gidh bé guidhe nó gearán do dhéantar le duine ar bith, nó red phobail Israel uile, a nuair aitheanus [illegible] ion a thinneas féin, agus a dhoil[illegible] féin, agus leithneachus sé a lámha [illegible]ach san tighsi.

30 Annsin cluinsi ó neamh hionad [illegible]hnuidhe féin, agus maith, agus tabhair [illegible] gach íonduine do réir a shlightheach [illegible], noch a bhfuil fios a chroidhe agad: [illegible] is agadsa amháin atá fios croidhth[illegible]ch chloinne na ndaoine.)

31 Chor go mbía eagla orra romhad, [illegible] a siubhoIuid ann do shlighthibh an [illegible]adh mhairfid siad annsa dúithche, noch thug tú dar naithribh.

32 Tuilleamh oile, a ttaobh an cho[illegible]igh nach dod phobal Israel, achd [illegible]inic as tír imchéin air son hanma [illegible]resi, agus do láimhe cumhachduigh, [illegible] do righe sínte amach; má thigid [illegible], agus guidhe annsa tighse:

33 Annsin cluinse ó neamh, ó háit [illegible]hnuigh féin, agus déan do réir [illegible] neithe a ngoirse an coimhitheach [illegible] dá thaoibh; iondus go mbía fios [illegible] ag na húile dhaoinibh na tal[illegible], agus go mbía heagla orra, mar atá air do phobal Israel, agus go mbía a [illegible] aca an tighse do rinne misi, gurob [illegible] ainmsi ghoirthear é.

34 Ma théid do phobal do dhéanamh [illegible] amach a naghaidh a námhad [illegible] tslighe a ccuirse tusa íad, agus [illegible] nguidhfid siad chugad leath rís an [illegible]thruighsi, noch do thógh tú, agus ris an ttigh do rinne misi, dot ainm:

35 Annsin cluinsi ó neamh a nurn[illegible], agus a ngearán, agus cothuighsi a [illegible].

36 Má pheacuidhhid siad ad aghaidh ([illegible] bhfuil duine air bith nach bhpea[illegible]gheann) agus go mbía fearg agad [illegible], agus go seachóduigh tú uait íad [illegible] a námhuid, agus go mbéuruid [illegible] a láimh íad gu dúithche, a bhfad [illegible]adh, nó láimh ríu.

37 Thairis sin, má chuimhnighid orra [illegible] annsa túrsin iona mbéarthar a láimh íad, agus go niompóchuid siad, agus [illegible] nguidhfid chugadsa a ccrích a nda[illegible]sine, gha rádh, Do pheacuigheamar, do rinneamar earráid, agus is olc do [illegible]amar.

38 Má fhillid siad chugadsa maille [illegible] na nuile chroidhe, agus le na nuile [illegible] a ttír a ndaoirsine, áit a ruga[illegible] a láimh íad, agus go nguidhfid leath rís an ndúithche thug tú dá naith[illegible], agus leath ris an ccathruigh do thógh tú, agus leath ris an ttigh do rinne misi dot ainm:

39 Annsin cluinsi ó neamh ód ionad comhnuigh féin, a nguidhe, & a ngearán, agus cothuigh a ccúis, agus maith dot phobal noch do pheacaidh ad aghaidh.

40 Anois mo Dhia, guidhim thú, bidís do shúile foscuilte, agus bidís do chluasa aireach don nurnuigh noch do dhéantar san naitsi.

41 Anois ar a nadhbharsin éirigh a Thighearna Dia, dot áit suáimhnis. thú féin agus Airc do neirt: éuduigh-thear do shagairt, ó a Thighearna Dia, le slánughadh, agus gáirdidís do naoimh a maitheas.

42 A Thighearna Dia, ná fill uait aghuidh hungthaigh cuimhnigh trocuireadh Dháibhi do shearbhfhoghantuigh.

C A I B. VII.

Vrnaidh Sholaimh ar taitneamh [illegible] Dia, do dhearbh sé coisriogan an Teampuill ó neamh.

ANois an tan do chríochnuigh Solamh a ghuidhe, tháinic an teine a nuas ó neamh, agus do dhoith sí a nofráil loisge, agus na híodhbartha, agus do lion glóir an Tighearna an tigh.

2 Agus níor fhéudadar na sagairt dul a steach go tigh an Tighearna, do bhrígh gur líon glóir an Tighearna tigh an Tighearna.

3 Agus an tan do chonncadar clann Israel uile mar tháinic an teine a núas, agus glóir an Tighearna air an ttigh, do chromadar iad féin maille re na naighthibh chum na talmhan air a nurlár, agus do adhradar, agus do mholadar an Tighearna, gha rádh, Oír is maith é, oír (mairidh) a thrócaire go bráth.

4 Annsin da íodhbuir an Rígh agus an pobal uile íodhbuirt as coinne an Tighearna.

5 Agus do íodhbuir an Rígh Solamh íodhbuirt fhithchid agus dá mhíle damh agus chéud agus fithchid míle cíora: a marsin do coisrig an Rígh agus an pobal uile, tigh Dé.

6 Agus do bhádar na Sagairt ag feithiomh ar a noifig féin: na Lebhitigh mar an gcéadna le ionstruimentibh ceóil an Tighearna, noch do rinne Dáibhi Rígh do mholadh an Tighearna, do bhrígh go mairionn a throcaire go bráth, a núair do mhol Dáibhi [Día] maille re na minostralachd sin: agus do sheideadar na sagairt na stuic rompa, agus do sheas Israel uile.

7 Tuilleamh eile fós, do náomhuidh Solamh meadhón na cúirte, noch do bhí as coinne thighe an Tighearna: óir is annsin do ofráil sé ofrála loisge agus méathus na nofrálach síothchána, do bhrígh nar tháill na hofrála loisge, agus na hofrála bídh agus an méathus, air a naltóir phráis do rinne Solamh.

8 Mar an gcéadna fa namsin féin

do chonnuimh Solamh an féusta seachd
lá agus Israel uile na fhochair, coimh-
thionól romhór, ó dhul a steach Hámot
go sruth na Hégipte.
9 Agus ar a nochdmhadh lá do rinn-
eadar oireachdus sollamanta: óir do
chongmhadar coisreagadh na haltóra
seachd lá, agus an féasta seachd lá.
10 Agus air an treas lá fithchiod
don tseachdmhadh mí, do chuir sé an po-
bal uadh da ttighthibh lúathgháireach
súgach a ccroidhe ar son na maith-
easa do thaisbéin an Tighearna do
Dhaibhi, agus do Sholamh, agus dá
phobal Israel.
11 Marso do chríochnuigh Solamh
tìgh an Tighearna agus tigh an Rígh,
agus a nuile ní dá ttáinic a gcroidhe
Sholuimh do dhéanamh a ttigh an Ti-
ghearna, agus iona thigh sein, do chuir
deireadh leis go séanamhuil.
12 Agus dfoillsigh an Tighearna é
féin do Sholamh san noidhche, agus a
dubhairt sé ris, Do chuála mé hurnaigh,
agus do thogh mé an náitsi dhamh féin
mar thigh íodhbhartha.
13 Má dhruidim neamh, chor nach
bia fearthuinn ann, nó má fhúagruim do
na lócustuibh an talumh do mhilleadh, nó
má chuirim pláigh a measg mo phobail ;
14 Má umhluighid mo phobal, noch
ghoirthear am ainmsi, iad féin, agus gui-
dhe, agus maghaidhsi diarruidh, agus
filleadh ó na ndroichshlighthibh : annsin
cluinse misi ó fhlaitheamhnus, agus ma-
ithfe mé a bpeacadh, agus leigheosuidh
mé a bpeacadh, agus leigheosuidh mé
a bhfearann.
15 Anois béid mo shúile foscuilte,
agus mo chlúasa aireach don nurnaigh
[dhéantar] annsa náitse.
16 Oir do thogh mé anois, agus do
naomhuigh mé an tighse, chor go mbia
mainm ann go bráth: agus beid mo shúile,
agus mo chroidhe ann,a ccomhnuigh.
17 Agus air do shonsa, má shiubh-
luigheann tú am fhiadhnuise, mar do
shiubhail hathair Dáibhi, agus a dhéa-
namh do reir a nuile neithe dar aithin
mé dhiot, agus go ccoimheadsa tú mo
reachda agus mo bhreitheamhnuis :
18 Annsin cothochuidh mé cathaóir do
rioghachda do réir mo chunnartha red
athair Dáibhi, dhá rádh, Ní fhailleochuidh
duine dhiotsa bheith na úachdarán ann
Israel.
19 Acht má fhillti úaim, agus go
ttréigfidhe mo statúidigh, agus maithean-
ta, noch do chuir mé romhuibh, agus
go rachtaói, agus go ndéantaói serbhís
do dheeibh oile, agus go nadhórthaói iad:
20 Ann sin tairreonga misi as a bhfréa-
mhuibh amach iad, as an bhfearann
noch thug mé dhóibh ; agus an tighse
noch do naómhuidh mé dom ainm, teilg-
fidh mé as mo radharc é, agus do dhé-
ana mé seanfhocal agus focal magaidh
dhe a measc na nuile chineadhach.

21 Agus an tighse ata árd, bia
sé na úathbhás ar gach uile dhuine
ngéabha seacha dhe ; iondus go
beora sé, Cred fa ndéarna an Tighearna
mar so ris an ttírsi, agus ris
ttighse ?
22 Agus freagórthar é, Do bhrigh
mar do thréigeadar an Tighearna
a naithreadh, noch thug amach iad
crích na Hégipte, agus gur ghreim-
uigheadar do dheeibh oile, agus
ndearnadar serbhís dhóibh : uime sin
sé an tolcso uile orra.

CAIB. VIII.

Reachd Sholaimh iona Righeachd, ...
iona thigh.

AGus tárla (a ccionn fhithchid bli-
dhan iona ndéarna Solamh tigh an
Tighearna, agus a thigh féin.)
2 Gur chuir Solamh súas na caithre-
cha do aisig Huram do Sholamh, agus
thug sé air chloinn Israel comhnuigh ...
3 Agus do chuáidh Solamh go Hamat
Sobah, agus rug sé buaidh uirre.
4 Agus do chuir sé Tadmor súas
annsa bhfásach, agus na huile chaith-
reacha stóir, noch do chuir sé súas ann
Hamat.
5 Mar an gcéadna do rinne sé Bet-
horon uachdarach, agus Bet-horon ío-
chdarach, caithreacha daingne go mbal-
ladhuibh, agus go ngeatadhuibh, agus
mbarradhuibh :
6 Agus Baalat, agus na caithreacha
stóir do bhí ag Solamh, agus na caith-
reacha carbad uile, agus caithre-
acha an mharcshluáigh, agus a nuile
ní dar thoil le Solamh do chur súas ann
Jerusalem, agus a Lebanon, agus ar
feadh dháithche a thighearnuis uile.
7 Ar son an mhéid do fágbhadh do
na Hittitibh, agus do na Hamoritibh
agus do na Perisitibh, agus do na Hibhi-
tibh, agus do na Jebusitibh, nach raibh
Disrael ;
8 A cclann sin, noch do fágbhadh
na ndiáigh san tír, nach ar dhíthchuin-
gheadar clann Israel, do chuir Solamh
íad fa chíos gus a niugh.
9 Acht do chloinn Israel ní dhéarnaidh
Solamh serbhisigh chum oibre ar bith;
achd do bhádar na luchd cogaidh, agus
togha a chaiptíneadh, agus caiptíneadh
a charbad, agus a mharcshlúagh.
10 Agus dob íadso príomh oi-
gidh an Rígh Soluimh, eadhon dhá chéad,
agus cáogad, agá raibh cumhachda a
cionn an phobail.
11 Agus thug Solamh. inghean Fha-
rao leis súas as cathruigh Dhaibhi don
tigh do rinne sé dhi : óir a dubhairt
se, ni bhiáidh mo bheansa na comhnuidhe
a ttigh Dháibhi Rígh Israel, do bhrigh
go bhfuil a náit náomhtha, iona ttái-
nic Airc an Tighearna.
12 Ann sin dofráil Solamh ofrála
loisge don Tighearna air altóir an Ti-
ghearna,

...hearna, noch do chuir ſé ſúas as coinne
... phoirſe,
13 Eadhon do réir mhioſuir áirigh
...ch laói do réir aithne Mhaóiſe, ar
... Sabboidibh, agus air na reéibh núa-
..., agus air na feuſtaibh ſollamanta trí
...ire ſan mbliadhain, eadhon a bhféa-
... a naráin gan loibhin, agus a bhfea-
... na ſeachdmhuineadh, agus a bhféa-
... na TTabernacuil.
14 Agus dórduigh ſé do réir órduigh
...ibhi a athar, ſeala na ſagart chum a
...rbhiſe, agus na Lebhíteach chum a ccú-
...m, do mholadh agus do fhrithéolamh
a bhfaghnuiſe na ſagart, mar dob iom-
...bhuidh doiſig gach aon laói; na doir-
...irigh mar an gcéadna iona ſealuibh ag
gach aóingheata: óir is mar ſin do
...ithin Daibhi, óglach Dé.
15 Agus níor dhealuigheadar ré ha-
...ithne an Rígh do na ſagartuibh, agus
do na Lebhitibh, a ttaobh chúiſe ar
...bith, nó a ttáobh na nionnmhus.
16 Annois do gléuſadh obair Sho-
...luimh uile ón ló ſár cuireadh bunáit
...ighe an Tighearna, nó go raibh ſé
...chríochnuigh: mar ſin do rinneadh tigh
Dé go hiomlán.
17 Ann ſin do chuáidh Solamh go
...Eſion-geber, agus go Helot air thaóibh
na fairge a bhfearann Edom.
18 Agus do chuir Huram chuige a
...lámhuibh a ſherbhíſeach, longa agus
ſerbhiſigh agá raibh éolus na fairge;
agus do chúadar lé muintir Sholuimh
go Hophir, agus thugadar as ſin
ceithre chéad, agus caogad tallann
óir, agus thugadar gus an Rígh
Solamh íad.

CAIB. IX.

*...ainic Bainríoghan na Séba ar chúairt dſhi-
... ſruighadh Sholamh.*

AGus a nuáir do chúala Bainríoghan
na Séba clú Sholuimh, thainic ſi do
dhearbhadh Sholuimh a cceaſtuibh
cruáidhe go Hieruſalem maille ré
cuideachduin mhóir, agus lé cámhalluibh
ag iomchar ſpíoſradh, agus romhórán
óir, agus chlocha uáiſle: agus a
nuáir tháinic ſi go Solamh, do chomh-
ráidh ſi ris ſá gach ní dá raibh na
croidhe.
2 Agus dinnis Solamh a ceaſtanna
uile dhi, agus ní raibh éinní na fhoil-
chios ar Sholumh nar innis ſé dhi.
3 Agus an tan do chonnairc Bain-
ríoghan na Séba gliocus Sholuimh, agus
an tigh do rinne ſé,
4 Agus biadh a bhuird, agus ſuidhe
a ſherbhíſeach, agus feithiomh a luchd
fritheóilte, agus a cculadhacha, agus a
ghiolluidhe cupáin mar an gcéadna,
agus a cculadhacha, agus a dhul ſúas
mar a ttíaghadh go tigh an Tighearna;
ní raibh níos mó do ſpioraid innte.
5 Agus a dubhairt ſi ris an Rígh,
is fior an túaruſgbháil do chúala mé ort
ann mo thír fein, ann do ghníomhuibh,
agus ann do ghliocus.
6 Acht cheana níor chreid mé a
mbríathra, nó go ttáinic mé, agus
go bhfacuidh mo ſhúile é; agus féach,
níor hinnſeadh leath méide do ghliocuis
damh: óir ſáruighidh tú an túaruſg-
bháil do chúala mé.
7 Is ſona do dhaoine, agus is ſona
íadſo do ſhérbhiſigh, noch ſheaſas do
ghnáth as do choinne agus chluineas do
ghliocus.
8 Go madh beannuigh bhías do Thigh-
earna Día, agá raibh dúil ionad dot
chuir ad ſhuidhe ann do chathaóir río-
gha ad Rígh dot Thighearna Dia: do
bhrigh gur ghrádhuigh do Dhía, Iſrael, dá
ccothughadh go bráth, uimeſin do rinne
ſé Rígh dhíotſa os a ccionn, do dhéa-
namh breitheamhnuis agus ceirt.
9 Agus thug ſi don Rígh fithche
agus céad tallann óir, agus do ſpioſ-
radh iomarcaidh mhór, agus clocha
uáiſle: agus ní raibh ar bidh leithéid
na ſpioſradh thug Bainríoghan na Séba
don Rígh Solamh.
10 Agus thugadar ſerbhiſigh Hu-
ram mar an ccéadna, agus ſerbhíſigh
Sholuimh noch thug ór ó Ophír, croinn
Algum agus clocha uáiſle léo.
11 Agus do rinne an Rígh do na cran-
nuibh Algum ſtaighreadha go tigh an
Tighearna, agus go Pálás an Rígh, agus
clairſeacha agus ſaltracha don luchd
ceóil, agus ní facus a leitheid ſin roi-
mhe a ttír Júdah.
12 Agus thug an Rígh Solumh do
bhainríoghain na Séba a lántoil uile,
gidh bé ar bith ní díarr ſi, taobh
amuigh don ní thug ſi chum an Rígh:
marſin dfill ſi, agus dimthigh roi-
mhe dá tír féin, í féin agus a ſer-
bhiſigh.
13 Anois dob é comhthrom a nóir
tháinic chum Soluimh a néanbhlíadhuin
amháin, ſé chéad agus trí fithchid agus
ſé tallanna óir;
14 Taobh amuich don ní thugadar
margaluidh agus céannuighthe leó, agus
thugadar Ríghthe na Harábia uile, agus
úachdaráin na tire, ór agus airgiod chum
Soluimh.
15 Agus do rinne an Rígh Solumh dhá
chéad tairged dór bhúailte; ſe chéad
ſecel dór bhúailte do chuáidh chum
éantairgéide amháin.
16 Agus do rinne ſé trí chéad ſcíath
dór bhúailte, trí chéad Secel óir do
chúaidh chum áoin ſgéithe amhain: a-
gus do chuir an Rígh íad a ttigh fora-
óiſe Lebanon.
17 Do rinne an Rígh mar an gcéadna
cathaóir mhor dfiaclaibh Elephant, agus
dfoluigh le hór fiorghlan í.
18 Agus do bhádar ſé choiſceim
gus an ccathaóir ríogha maille re
coſſtól óir, noch do bhí ceangailte don

chathaóir, agus lámha air gach táoibh
do nionad ſuidhe, agus dhá leomhan
na ſeaſamh ag na lámhuibh.
19 Agus do ſheaſadar dhá leomhan
deág don táoibhſe, agus don taoibh
oile ar na ſé choiſceim: ní dearnadh a
leithéid a náoin ríoghachd ar bith.
20 Agus do bhádar ſóighthighe óil
an Rígh Solamh uile dór, agus uile ſhoi-
thighe óil thighe foraóiſe Lebanon dór
ghlan: níor bhairgiod aontſóightheach
dhíobh; ní raibh meas ar bith air a
laéthibh Sholuimh.
21 Oir do chuádar loingios an Rígh
go Tarſis le muintir Huram: áon-
uair ſna trí bliadhnuibh do thigdís lo-
ingeas Tharſis ag tabhairt óir leo, agus
airgid, ſhiacal Elephant, agus apadh,
agus pheacóg.
22 Agus do ſháruigh an Rígh Solumh
Ríghthe an domhuin uile ar ſhaidh-
bhrios agus air ghliocus.
23 Agus do bhídís Ríghthe an do-
mhuin uile ag iarruidh radhuirc Sho-
luimh, do chluinſion a ghliocuis, noch do
chuir Día iona chroidhe:
24 Agus do bheireadh gach áon aca
a phreaſanta leis, ſoithighe airgid agus
ſoithighe óir, agus culadhacha, éideadh,
agus ſpioſradh, eich agus múillidhe,
ſuim áirigh gacha bliadhna.
25 Agus do bhí ag Solumh ceithre
mhíle ſtalla each agus carbad, agus
dhá mhíle dhéag marcach, noch do
bhronn ſé a ccaithreachaibh na ccarbad,
agus a bhſhochair an Rígh an Jeruſalem.
26 Agus do bhí ſé an Rígh os cionn
a nuile Rígh ón tſruth [Euphrates] go
nuige crích na Bhphiliſtíneach agus go
bruach na Hégipte.
27 Agus thug an Rígh go raibh
airgiod ann Jeruſalem mar chlochuibh,
agus croinn Cédair mar chrannuibh Si-
camor, atá annſna reíteach íſiol, air
lionmhaireachd.
28 Agus do bheirdís go Solamh eich as
an Négipt, agus as gach uile chrích.
29 Anois an chuid oile do ghníomh-
uibh Sholuimh ó thús go deireadh
nach bhfuilid ſiad ſcríobhtha a lea-
bhar Nátain an fáigh, agus a bhſái-
gheadóireachd Ahijah an Siloniteach,
agus a bhfiſibh Iddo an féuchadoir, a
naghaidh Jeroboam mhic Nebat?
30 Agus ba Rígh Solamh ann Jeru-
ſalem ós cionn Iſrael uile, dhá ſhithchid
bliadhan.
31 Agus do chodail Solumh agá ai-
thribh, agus do hadhlaiceadh é a cca-
thruidh Dháibhi a athar, agus do ríogh-
uidh Rehoboam a mhac na áit.

CAIB. X.

Rehoboam tré chombairle na ndaoine óga, do chaill ſe 10 trebha dIſrael.

AGus do chuáidh Rehoboam go Se-
chem: óir is go Sechem thái-
nic Iſrael uile do dhéanamh Rígh [illegible]
2 Agus tárla a nuair do [illegible]
Jeroboam mhac Nebat ſin, noch
bhí ſan Négipt, mar ar theith ſé ó
dharc Sholuimh an Rígh, gur [illegible]
Jeroboam as an Négipt.
3 Agus do chuireadar fios [illegible]
ghoireadar air; mar ſin tháinic Jero-
boam agus Iſrael uile, agus do labhra-
dar re Rehoboam, gha rádh,
4 Do rinne hathair ar ccuing do[illegible]
anois uimeſin eadtromuighſi ní [illegible]
ndáoirſine dhocambuil, agus don [illegible]
throimſin do chuir ſé oruinn, agus
dhéanam ſerbhís duit.
5 Agus a dubhairt ſeiſion riú, [illegible]
chugam a rís a ccionn thrí lá: [illegible]
dimthigh an pobal.
6 Agus do rinne an Rígh Rehoboam
comhairle ris na ſeandaoinibh do [illegible]
as coinne Sholuimh a athar, an fad
bhí ſé beó, gha rádh, Cred í an chomh-
airle do bhearthaoi dhamhſa [illegible]
mé freagra air na daoinibhſi?
7 Agus do labhradarſan ris, gha rádh,
Má bhionn tú cinéulta ris an [illegible]
agus fonn do chur orra, agus [illegible]
maithe do thabhairt doibh, [illegible]
na ſearbhſhoghantuibh dhuit go [illegible]
8 Acht do dhiúlt ſeiſion an [illegible]
thugadar na ſeandaóine dhó, agus do
rinne ſé comhairle ris na dáoinibh [illegible]
tugadh ſuas na ſhochair ſein, agus do
ſheas dá lathair.
9 Agus a dubhairt ſé riú, Cred a
teagaſc do bheartháoiſi dhamh, [illegible]
bhra mé freagra air na daoinibhſe [illegible]
bhair riom, gha rádh, éadtromuigh a
éigin don chuing do chuir hathair [illegible]
10 Agus do labhradar na [illegible]
óga tugadh ſuas na ſhochair, gha rádh,
mar ſo fhreagórus tú an pobal do
labhair riot, gha rádh, Do rinne [illegible]
thair ar ccuing trom, acht déanſa [illegible]
éadruime dhúinn í: marſo a déarſa tú
riú; Budh raimhe mo mhéur [illegible]
ſliaſta mathar.
11 Oir a nait ar chuir mathair [illegible]
throm oruibh, cuirfe miſi tuilleadh a
ccionn bhur gcuinge, do ſmachtuigh ma-
thair ſibh le ſciúrſadhuibh, acht [ſmach-
teóchuidh miſi ſibh] le ſgiúrſadhuibh
déalgamhla.
12 Mar ſin tháinic Jeroboam agus an
pobal uile go Rehoboam an treas lá,
mar a dubhairt an Rígh, dha rádh,
tigidh chugam a rís a ccionn thrí lá.
13 Agus do fhreagair an Rígh iad go
garbh, agus do threig an Rígh Reho-
boam comhairle na ſeandaoine.
14 Agus do fhreagair ſé iad do réir
theagaiſc na ndáoine óg, gha rádh, Do
rinne mathair bhur ccuing trom, acht cuir-
fe miſi na ceann: do ſmachduigh ma-
thair ſibh le ſciúrſadhuibh, achd [ſmai-
chdeochuidh miſi ſibh] lé ſgiúrſadhuibh
dealgamhla.
15 Marſin ní thug an Rígh toradh air

an bpobal; óir is ó Dhía do bhí an chúis,
chor go ccoimhéolladh an Tighearna a
fhocal, noch do labhair se re láimh A-
hiiah an Siloniteach re Jeroboam mhac
Nebat.
16 Agus an tan do chonncadar Is-
rael uile nach ar éist an Ríogh riú, do
fhreagair an pobal an Ríogh, dhá rádh,
Cred í ar ccuidne do Dháibhi? agus ní
bhfuil oighreachd ar bith aguinn a mac
Jesse; (tigeadh) gach áon aguibh dá bhur
loistinibh, ó Israel: agus a nois a Dhá-
ibhi, féuch dot thigh féin: marsin do
chuaidh Israel uile dá lóistinibh.
17 Achd ar son chloinne Israel do
rinne comhnuigh a ccaithreachaibh Jú-
dah, do bhí Rehoboam na Rígh orra.
18 Annsin do chuir an Rígh Rehobo-
am Hadoram do bhí ós cionn an chíosa
iadh, agus do chlochadar clann Israel é
ré clochaibh, go bhfuáir sé bás: acht
do rinne an Rígh Rehoboam deithnios
do dhul súas iona charbad do theithiomh
go Hierusalem.
19 Agus do chúaidh Israel a ccogadh
a naghaidh thighe Dháibhi gus a niugh.

CAIB. XI.

Bacthairmiosg Dia cogadh ré Hisrael. 13 Na sagairt & na daoine maithe le Rehoboam.

AGus an tan tháinic Rehoboam go
Hierusalem do chruinnigh sé do
thigh Júdah agus Bheniamin, céad agus ce-
ithre fithchid míle do dhaóinibh togh-
tha, noch do bhí na luchd coguidh, do
throid a naghuidh Israel, chor go ttiu-
bhradh an rioghachd a rís do Rehoboam.
2 Acht tháinic briathar an Tighearna
go Semaiah óglach Dé, dha rádh,
3 Labhair re Rehoboam mhac Solaimh
Rígh Júdah, agus ré a bhfuil Disrael ann
Júdah, agus re Benjamin, ghá radh,
4 Is marso a deir an Tighearna, Ní
rachtaoi súas, agus ní mó throidfidhe a
naghaidh bhur ndearbhraithreach: fil-
leadh gach áon aguibh dá thigh, óir is
misi do rinne an nisé: agus do umh-
luigheadarsan do bhriathruibh an Tigh-
earna, agus áfilleadar ó dhul a naghaidh
Jeroboam.
5 Agus do chomhnuigh Rehoboam ann
Jerusalem, agus do rinne sé caithreacha
didin ann Júdah.
6 Do rinne sé Bet-lehem, agus Etam,
agus Tecoa.
7 Agus Bet-sur, agus Socho, agus
Adullam,
8 Agus Gát, agus Maressa, agus Siph,
9 Agus Adoram, agus Lachis, agus
Azecah,
10 Agus Sórah, agus Aijalon, agus
Hebron, noch atá ann Júdah, agus a
Mbenjamin, caithreacha daingne.
11 Agus do dhaingnidh sé na cais-
léin laidre, agus do chuir se caip-
tinigh ionta, agus stór bidh agus ola
agus fiona.
12 Agus ann gach aon chathruigh fá
leith do chuir sé sciatha agus gaethe,
agus do rinne sé ro láidir iad; ar
mbeith do Júdah agus do Bhenjamin dhá
thaoibh.
13 Agus thangadar na sagairt agus na
Lebhitigh do bhí ann Israel uile chuige,
a ccóstuibh uile.
14 Oir dfágbhadar na Lebitigh a
mbailte beaga, agus a sealbh, agus
thangadar go Júdah, agus go Hierusa-
lem: óir do theilg Jeroboam agus a
mhic amach iad ó dhéanamh oifige an
tsagairt don Tighearna.
15 Agus do órduigh sé sagairt dó
féin annsna háitibh árda, agus do na
diabhluibh, agus do na láoghuibh do
rinne sé féin.
16 Agus na ndiaigh sin as uile threa-
bhuibh Israel, an méid do shocruich á
ccroidhthe diarruidh an Tighearna Dia
Israel, thangadar go Hierusalem díodh-
buirt don Tighearna Dia a naithreadh.
17 Marsin do neartuigheadar riogh-
achd Júdah, agus do rinneadar Rehoboam
mhac Soluimh láidir, trí bliadhna: óir
do shiubhluigheadar trí bliadhna a slighe
Dhaibhi agus Sholuimh.
18 Agus thug Rehoboam chuige na
mnáoi, Mahalat inghean Jerimot mhic
Dháibhi, agus Abihail inghean Eliab
mhic Jesse:
19 Noch rug clann dó; Jeus, agus
Semariah, agus Saham.
20 Agus na diáigh sin, thug sé
Maachah inghean Absolom, noch rug
Abijah dhó agus Attai, agus Sisa, agus
Selomit.
21 Agus do ghrádhuigh Rehoboam
Maachah inghean Absolom ós cionn a
bhan uile, agus a leannána (óir thug
sé ocht mná déag, agus trí fithchid
leannán) agus rugadh ocht mic fhithchiod
dhó agus trí fithchid inghean.
22 Agus do rinne Rehoboam úachd-
arán do Abijah mhac Maachah, do ría-
ghladh a measc a dhearbhráithreach,
óir do sháoil sé Rígh do dhéanamh dhe.
23 Agus do rinne sé go críonna, agus
do scáoil sé a chlann uile air fheadh
chríoch Júdah agus Bhenjamin; da gach
áon chathruigh dhaingin, agus do chuir
sé lónn go lor leó: agus do bhí dúil a
niomad ban aige.

CAIB. XII.

Peacadh, 6 Aithreachas, 7 & tarthúil eigin Rehoboam & a dhaoine.

AGus tárla an tan do dhaingnidh
Rehoboam san rioghachd, agus do
neartuigh sé é féin, gur thréig sé dligh-
eadh an Tighearna, agus Israel uile
maille ris.
2 Agus tárla an cúigeadh bliadhan
don Rígh Rehoboam, go ttáinic Sis-
sac Rígh na Hégipte súas a naghaidh
Jerusalem (do bhrígh gur pheacui-
gheadar

gheadar a naghaidh an Tighearna.)

3 Maille ré dhá chead déag carbad, agus tri fithchid míle marcach, agus níor bhféidir áiriomh an drong tháinic leis ón Négipt: na Lubinuigh, na Succimigh, agus na Hetiópianuigh.

4 Agus do ghabh sé na caithreacha daingne, noch do bhean re Júdah, agus tháinic sé go Hierusalem.

5 Ann sin tháinic Semaiah an fáigh go Rehoboam, agus go prionnsadhuibh Júdah, noch do chruinnigh a bhfochair a chéile ann Jerusalem do bhrígh Shissac, agus a dubhairt sé riú, Is marso a deir an Tighearna, do thréigeabhair misi, agus marsin dfág misi sibhsi a láimh Shissac.

6 Dá bhrígh sin dumhluigheadar prionnsadha Israel agus an Rígh iad féin, agus a dubhradar, Atá an Tighearna ceart.

7 Agus an tan do chonnairc an Tighearna gur umhluigheadar iad féin, tháinic focal an Tighearna go Semaiah gha rádh, Dumhluigheadar iad féin, ní scrosfa mé iad, ach do bhéara mé tárthail éigin orra, agus ní dóirtfighthear mfearg amach ar Jerusalem le láimh Shissac.

8 Thairis sin, béid siad na searbhfhoghantuibh aige; le mbia fios aca air mo sherbhísesi, agus air sherbhis rioghacht na ccrioch.

9 Marsin tháinic Sissac Rígh na Hégipte súas a naghaidh Jerusalem, agus rug leis ionnmhus thighe an Tighearna, agus ionnmhus thighe an Rígh, rug sé leis an tiomlán: rug sé leis mar an gcéadna na sciatha óir, noch do rinne Solamh.

10 Iona náit sin do rinne Rehoboam sciatha prais; agus thug a lámhuibh úachdaráin an gharda iad, noch do choimhéad dul a steach thighe an Rígh.

11 Agus a nuair do thiaghadh an Rígh a steach go tigh an Tighearna, thigeadh an gárda agus do bheirdis leó iad, agus do bheirdis air ais iad go seómra an gharda.

12 Agus an tan dumhluigh sé é féin, dfill fearg an Tighearna úadh, nar bháill leis a scrios thríd amach: agus fós ann Júdah do bhigach ní go maith aca.

13 Mar sin do neartuigh Rehoboam é féin ann Ierusalem, agus do rioghuidh innte; óir do bhí Rehoboam bliadhuin agus dá fhithchiod dáois a núair do thosuigh sé a ríghe, agus do bhí na Rígh seachd mbliadhna déag ann Ierusalem, an chathair do thogh an Tighearna amach as treabhuibh Israel uile do chur a anma innte: agus do bé ainm a mhathar Naamah, Ammoniteach.

14 Agus do rinne sé olc, do bhrígh nar umhluigh sé a chroidhe diarruidh an Tighearna.

15 Anois gníomha Rehoboam ó thús go deireadh, nach bhfuilid siad scríobhtha a leabhar Shemaiah an fáigh, agus Iddo an féachadoir a ttaobh ghinealach? agus do bhádar cogtha idir Rehoboam agus Ieroboam a ccomhnuigh.

16 Agus do choduil Rehoboam ag aithribh, agus do hadhlaiceadh é a ccathruigh Dháibhi; agus do ríoghuidh Abijah a mhac iona áit.

CAIB. XIII.

Rug Abijah buaidh ar Jeroboam. 14 Do bhrígh a mbuinighinn a nDia.

ANnois annsa nochdmhadh bliadhain déag don Rígh Ieroboam do thosuigh Abijah a ríghe ós cionn Iúdah.

2 Do bhí sé na Rígh trí bliadhna ann Ierusalem (do bé fós ainm a mhathar Micaiah inghean Uriel ó Ghibéah:) agus do bhí cogadh eidir Abijah agus Ieroboam.

3 Agus do chuir Abijah an cath a nórdughadh lé slúagh do dháoinibh tapa a ccogadh, eadhon ceithre chéad mile fear toghtha: do chuir Ieroboam mar an ccéadna an cath a nórdughadh na aghuidhsion le hochd ccéad míle fear toghtha, do dháoinibh neartmhara a ngaisgidh.

4 Agus do sheas Abijah ar shliabh Semaraim, noch atá a sliabh Ephraim, agus a dubhairt; Eisdse riomsa, a Ieroboam, agus a Israel uile.

5 Nach ar choir dhaóibhsi a fhios do bheith aguibh go ttug an Tighearna Dia Israel, an rioghachd ós cionn Israel do Dháibhi choidhche, eadhon dó féin agus dá mhacaibh, re cunnradh saluinn?

6 Thairis sin, déirigh Ieroboam mhac Nébat serbhiseach Sholuimh mhic Dáibhi súas, agus do chúaidh a ccogadh a naghuidh a thighearna.

7 Agus do cruinnigheadh chuigesion dáoine díomháoine, clann Bhelial, agus do neartuigheadar iad féin a naghaidh Rehoboam mhic Soluimh, a nuair do bhí Rehoboam óg agus bogchroidhtheach, agus nar fhéad cur na naghaidh.

8 Agus anois sáoilti seasamh a naghaidh rioghachda an Tighearna a lámhuibh mhac Dháibhi, agus atáthaoi romhór in dáoine, agus atá agaibh láoigh órdha, noch do rinne Ieroboam dhaóibh mar dhée.

9 Nach ar theilgeabhair amach sagairt an Tighearna, mic Aaron agus na Lebhitigh, agus do rinneabhair dháoibh féin sagairt do reir mhodha chinneadhach chríoch oile? iondus gidh bé ar bhith thiucfus dá choisreagadh féin, lé buloig, agus lé seachd reithe, go bhféadann an té sin bheith na shagart dhóibh sin nach bfuil na ndéeibh.

10 Acht air ar soinne, is é an Tighearna ar Ndia, agus nior thréigeamar é: & isiad mic Aaron na sagairt noch do nídh miniostralachd don Tighearna, & na Lebhitigh ag feithiomh ar a nobair féin.

11 Agus loisgid siad don Tighearna gacha maidin, agus gach tráthnóna

nóna íodhbhartha loisge agus túis dheaghbholaigh: órdúighid mar an gcéadna an tarin taisbeánta air an mbórd bhfíorghlan, agus an coinnleóir óir gun a lochrannaibh do lasadh gacha nóna: óir coimhéadmaóid ualach ar Ttighearna Dé, ach do thréigeabhairse é.

12 Agus feuchuidh, atá Día féin linne mar chaiptín oruinn, agus a shagairt ag fuáimnigh re stocuibh, dfógra briste oruibhse: ó a chlann Israel, ná troidigh a naghaidh an Tighearna Día bhur naithreadh, óir ní éireochuidh se libh.

13 Acht thug Ieroboam fa deara luidheachán do theachd timchioll fa na cúil: marsin do bhádar as coinne Júdah, agus an chealg leath a ccúil.

14 Agus an tan dféach Júdah na ndiáigh, féach do bhí an cath rompa, agus na ndiáigh, agus do ghoireadar air an Ttighearna, agus do shéideadar na sagairt na stuic.

15 Andsin do léigeadar fir Júdah gáir, agus mar do gháireadar fir Júdah, tárla gur bhúail Día Jeroboam, agus Israel uile, roimhe Abijah agus roimhe Júdah.

16 Agus do theitheadar clann Israel roimhe Júdah, agus do sheachuid Día iona láimh iad.

17 Agus do mharbh Abijah agus a phobal iad le hár mór: ioodus gur thuit síos marbh Disrael cúig chéad míle fear toghtha.

18 Marso do cuireadh faoi clann Israel san namsin, & rugadar clann Júdah buaidh, do bhrígh gur sheasadar air an Ttighearna Dia a naithreadh.

19 Agus do lean Abijah a ndiáigh Ieroboam, agus do bhean caithreacha dhe, Bet-el gun a bailtibh, agus Jeshanah gun a bailtibh, agus Ephraim gun a bailtibh.

20 Ni mó rug Jeroboam neart a rís a láethibh Abijah; agus do bhúail an Tighearna é: agus déug sé.

21 Achd dfás Abijah cumhachdach, agus do phós sé ceithre mná déug, agus rugadh dhí mhac agus fithche, agus sé hingheana déag dhó.

22 Agus an chuid oile do ghníomhuibh Abijah, agus a shlighthe, agus a raidhte, atáid siad scríobhtha a stair Iddo an fáigh.

CAIB. XIV.

Rug Asa an pobal go Dia ar ais. 6. Chuir sé caithreacha Júdah suas. 12. & bhuail sé na Hetiópigh.

MArsin do choduil Abijah a bhfochair a aithreadh, agus dadhlaiceadar é a ccathruigh Dháibhi, agus do ríoghuidh Asa a mhac iona ait: iona laéthibh do bhí an tír suaimhneach deich mbliadhna.

2 Agus do rinne Asa an ní fa maith agus fa ceart a radharc a Thighearna Dé.

3 Oir do theilg sé seachad altóra na ndée ccoimhitheach, agus na haite árda, agus do bhris sé síos na híomhaighé, agus do ghearr síos na garráin.

4 Agus do aithin sé do Iúdah an Tighearna Día a naithreadh díarruidh, & a dhligheadh & a aitheánta do choimhead.

5 Mar an ccéadna do rug sé as caithreachaibh Iúdah uile na haite árda, agus na híomhaighe: agus do bhí an ríoghachd socair dá lathair.

6 Agus do chuir sé caithreacha daingne súas ann Iúdah: óir do bhí ciúnas ag an ttír, agus ní raibh cogadh ar bith ansin na bliadhnuibh sin: do bhrígh go ttug an Tighearna suaimhneas dó.

7 Uimesin a dubhairt sé ré Júdah, Cuiriom na caithreacha suas, agus déanam balladha na ttimchioll, agus tuir, geatadha, agus barradha, an feadh bhías an fearann fós air ar ccor fein; do bhrígh gur iarramar ar Ttighearna Día, do ghuidheamar é, agus thug sé socrachd dhúinn da gach uile thaoibh; marsin do rinneadar fairgníomh, agus do chuádar air a naghaidh.

8 Agus do bhí slúagh daóine ag Asa do iomchradh targaid agus gaéthe as Iúdah, trí chéad míle; agus as Benjamin díomhcradh sciatha, agus do thairngeadh bogha, dha chéad, & ceithre fithchid míle: do budh fir árrachda chródha iadso uile.

9 Agus tháinic Serah an Tetiopeach amach na naghaidh, lé sluagh mhíle do mhiltibh, agus trí chéad carbad: agus tháinic sé go Mareshah.

10 Ann sin do chuáidh Asa amach na aghaidh, agus do chuireadar an cath a nórdughadh a ngleann Sephatah ag Mareshah.

11 Agus déigh Asa air A Thighearna Día, agus a dubhairt, a Thighearna as beag agadsa cabhair do thabhairt, ceachtar acá lé móran, nó luchd gan neart ar bith, tabhair dhúinne cabhair a Thighearna Día: óir is ort chuirmid sinn féin & ann thainmsi theighmíd a naghaidh an níomuidse: ó Thighearna, is tú ar Ndia: ná beireadh duine buaidh ort.

12 Annsin do bhúail an Tighearna na Hetiópigh roimhe Asa agus roimhe Iúdah, agus do theithiodar na Hetiópigh.

13 Agus do lean Asa agus an mhuintir do bhí na fhochair iad go Gérar, agus do cláoidheadh na Hetiópigh, ionnus nar fheádadar iad féin do tharthail: óir do marbhadh iad a lathair an Tighearna, agus a lathair a shlóigh; agus rugadar romhóran éadála leó.

14 Agus do bhúaileadar na caithreacha uile fa ccúairt timchioll Ghérar: óir tháinic eagla an Tighearna orra, agus

agus do airgeadar na caithreacha uile:
óir do bhí iomarcuigh éadala ionnta.
15 Do bhuaileadar mar an ccéadna na
bhailteacha áirnéise, agus rugadar leó
iomarcuigh cáorach agus cámhall, agus
dfilleadar go Hierusalem.

CAIB. XV.

Tré bhriathraibh Asariah an Faigh, 8. Do chuir Asa na hiodhail as an tír. 12. & rinne Cunradh re Dia.

AGus tháinic spiorad Dé ar Asariah
mhac Oded.
2 Agus do chuaidh sé amach a ccoinne
Asa, agus a dubhairt ris, Eistigh riomsa
Asa, agus Júdah uile, & a Bhenjamin,
atá an Tighearna maille ribh, an feadh
bhéithi maille ris; & má iarthaoi é atá
sé ar fagháil agaibh; acht ma thréigthí
é, tréigfidh sé sibh.
3 Anois do bhí Israel ré haimsir fhada
gan an Dia fíre, & gan sagart teaguisg,
agus gan dligheadh.
4 Acht a núair dfilleadar iona
mbuaidhreadh, air an Ttighearna Dia
Israel, agus diarradar é, do fúa-
radar é.
5 Agus annsna haimsearuibh sin ní
raibh síothcháin ar bith ag an tí do ra-
chadh amach, nó ag an tí do thiucfadh a
steach, acht buaidheartha móra air gach
uile áitreabhach na ccrioch.
6 Agus do bhí tír dhá milleadh ag
tír oile, agus cathair ag cathair oile;
óir do bhuáidhir Día iad lé gach uile
aindeise.
7 Bithí Láidir air a nadhbharsin, agus
ná bidis bhur lámha lag, óir do gheabh-
tháoi lúach bhur sáothair.
8 Agus an tan do chúala Asa na
briathrasó agus tairghire Oded an fáigh,
do ghabh meanma é, agus do theilg sé
seachad na hiodhail adhfhuathmhara as
crích Júdah, agus Bhenjamin uile, agus
as na caithreacaibh do ghabh sé do
shliabh Ephraim, agus do athnúaghuidh
sé altoir an Tighearna.
9 Agus do chruinnigh sé Júdah agus
Benjamin uile agus coimhighthigh maille
riú as Ephraim, agus as Manasseh, & as
Simeon: óir do fhilleadar mórán Dis-
rael air, a núair do chonncadar go
raibh a Thighearna Día leis.
10 Marsin do chruinnigheadar iad
féin a ccionn a chéile ann Jerusalem an
treas mí annsa chúigeadh bliadhain déag
do ríoghacht Asa.
11 Agus dofráladar don Tighear-
na fá namsin féin, do na creachuibh thu-
gadar leó, seachd ccéad damh, & seachd
míle cáora.
12 Agus do rinneadar cunradh, an Ti-
ghearna Dia a naithreadh diarruidh le
na nuile chroidhe, & le na nuile anam:
13 Iondus gidh bé nach iarrfadh an
Tighearna Día Israel, go ccuirfidhe
chum báis é, má beag nó mór, má fear
nó bean é.
14 Agus thugadar mionna don Ti-
ghearna do ghuth árdmhór agus le gá[...]
agus le stocaibh, agus le corna-
tibh.
15 Agus do lúathgháir Júdah uile le
na mionnuibhsin; óir do mhionnuigheadar
dar le na nuile chroidhe, agus diarradar é
le na ttoil iomlain, agus fúaradar é &
thug an Tighearna socracht dhóibh tim-
chioll fa ccuáirt.
16 Agus mar an ccéadna Maacha
mathair Asa an Rígh, do athruigh sé í
ó bheith no bainrioghain, do bhrigh go
ndéarnuidh sí iomháighe a ngarrán,
agus do ghearr Asa síos a híomháigh,
agus do mhionbhrúigh í, & do loisg sé
í ag sruth Cedron.
17 Acht níor cuireadh na háite ár-
da ar ccúl ann Israel; gidheadh do
bhí croidhe Asa iomlán ar feadh a
sháoghail.
18 Agus thug sé go tigh Dé na neithe
do choisrig a athair, agus na neithe do
choisrig sé féin, airgiod, agus ór, agus
soighthighe.
19 Agus ní raibh cogadh ní budh mó,
go nuige an cúigeadh bliadhuin ar thri-
chad, do ríoghacht Asa.

CAIB. XVI.

Peacadh Asa. 10. A fhearg re Hanani. 12. A éaslainte & a bhás.

ANsa feiseadh bliadhuin déag ar
fhithchid do ríghe Asa, tháinic
Baasa Righ Israel suas a naghaidh
Judah; agus do chuir sé Ramah suas
ar chor nach léigfeadh sé aonduine do
theacht a steach, nó dhul amach go
Hasa, Righ Júdah.
2 Annsin thug Asa airgiod agus
ór amach as ionnmhusuibh thighe an
Tighearna, agus as tigh an Rígh, agus
do chuir sé go Benhadad Rígh na Siria
do bhí na chomhnuigh ann Damascus,
gha rádh,
3 Atá ceangal eadrumsa agus tu-
sa, mar do bhí eidir mathairse agus ma-
thair: féach do chuir mé chugad air-
giod agus ór; imthigh, bris do shíoth-
chaín re Baasa Rígh Israel, chor go
nimeochadh sé uaimse.
4 Agus déist Benhadad ris a
Rígh Asa, agus do chuir sé caiptíni
a shlóigh a naghaidh chaithreacha Is-
rael, agus do bhuaileadar Iion, agus
Dan, agus Abel-maim, agus uile chaith-
reacha stóir Naphtali.
5 Agus tárla a nuair do chu-
la Baasa sin, gur éirigh sé do chur
Ramah súas, agus gur scuir sé dá
obair.
6 Annsin rug an Rígh Asa Júdah uile
leis, agus rugadar leó clocha Ramah, &
a hadhmad, le a raibh Baasa gha chur
súas, agus do chuir sé Geba agus Mispah
súas leó.

7 Agus

7 Agus annſa namſin tháinic Hanani
an féuchadoir mar a raibh Aſa Rígh Ju-
dah, agus a dubhairt ſé ris, do bhrígh gur
chuir tú do dhóigh a Rígh na Siria, agus
nach ann do Thighearna Día do chuir
tú do dhóigh, uimeſin do imthigh ſluagh
Rígh na Siria as do láimh.
8 Nach ar mhór ſlúagh na Netió-
peach agus na Lubimeach, maille ré mó-
rán carbad & marcſhluagh? gidheadh
do bhrígh gur thaobh tuſa ris an Ttigh-
earna, thug ſé ann do láimh íad.
9 Oír rithid ſúile an Ttighearna chui-
ge agus uadh ar feadh an domhuin, dá
fhoillſiughadh féin laidir to thaobh na
druinge a mbí a ccroidbe iomlán da
thaobh. Annſo do rinne tuſa go leamh:
uimeſin ó ſo amach biaidh cogadh ort.
10 Ann ſin do bhí fearg air Aſa ris
an bhféuchadóir, & do chuir ſé a ttigh
prioſúin é: óir do bhí ſé air cuthach ris
di bhrígh ſo. Agus do bhrúigh Aſa drong
don phobal fa namſin féin.
11 Agus féuch gníomha Aſa toſach &
déighionach, ataid cheana ſcriobhtha a
leabhar Ríogh Júdah agus Iſrael.
12 Agus do ghabh enſlainte Aſa
iona choſuibh an naomhadh bliadhuin
déag ar fhithchid da ríghe, nó go raibh
a eaſlainte anmhór: gidheadh iona
thinneas níor íarr ſé an Tighearna, achd
na leagha.
13 Agus do choduil ſé a bhfochair a ai-
threadh, agus déug ſé annſa naonmhadh
bliadhuin agus dá fithchiod dá ríghe.
14 Agus do adhlaiceadar é iona
thúama féin, noch do rinne ſé dhó féin
a ccathruigh Dháibhi, & do chuireadar
é annſa leabuidh do bhí lán do dheagh-
bholuidhibh, & do mhórán ſórt [ſpioſ-
radh] ar na ngleús dealadhuin an pho-
tecari: agus do rinneadar loſcadh ro-
mhór ar a ſhon.

CAIB. XVII.

Do chuir Jehoſaphat an Eaglais; 12 & an Rígheachd a nordughadh.

AGus do ríoghuidh Jehoſaphat a mhac
iona áit, agus do neartuigh ſé é
féin a naghaidh Iſrael.
2 Agus do chuir ſé neart daoine a
ccaithreachaibh daingne Júdah uile, &
do chuir ſé gariſún a bhfearann Iúdah,
agus a ccaithreachaibh Ephraim, noch
do ghabh Aſa a athair.
3 Agus do bhí an Tighearna le Jeho-
ſaphat, do bhrígh gur ſhiubhuil ſé a
cceádſhlighthibh a athar Daibhi, & nar
íarr ſé chum Baalim.
4 Acht do ghuidh ſé chum an Tigh-
earna Día a athar, agus do ſhiubhail ſé
iona aitheantuibh, agus ní do réir ghníomha
Iſrael.
5 Uimeſin do dhaingnidh an Tigh-
earna an ríoghacht iona láimh, & thug
Júdah uile tiodhluice chum Iehoſaphat,
agus do bhí ſaidhbhrios, agus onóir aige
go lór.
6 Agus do bhí a chroidhe ar na thóg-
bhail ſuás a ſlighthibh an Tighearnas
tuilleamh fós, do chuir ſé na háite árda
agus na garráin as Júdah.
7 Mar an ccéadna air an ttreas blia-
dhuin dá ríghe, do chuir ſé teachta a
ccionn a phrionnſadh, eadhon go Ben-hail
& go Hobadiah, & go Sechariah, & go
Netaneel, & go Micajah, do theagaſc a
ccaithreachaibh Iúdah:
8 Agus do chuir ſé Lebhítigh leó, ea-
dhon Semajah, agus Netaniah, & Seba-
díah, & Aſahel, agus Semiramot, agus
Iehonatan, & Adonijah, agus Tobijah,
agus Tob-adonijah, Lebhítigh; agus
maille riú, Eliſama, agus Iehoram,
ſagairt.
9 Agus do theagaiſceadar ann Jú-
dah, agus do bhí leabhar dlighe an Ti-
ghearna aca, agus do chuadar timchioll
ar feadh chaithreach Iúdah, agus do
theagaiſceadar an pobal.
10 Agus do thuit eagla an Tighearna
air uile ríogachtuibh na ccrioch do bhí
timchioll Iúdah, ionnus nach dearnadar
cogadh a naghaidh Iehoſaphat.
11 Thugadar fós cuid do na Philiſti-
nibh tiodhluice chum Iehoſaphat agus
cíos airgid; agus thugadar na Harábia-
nuigh tréada chuige, ſeachd míle agus
ſeachd ccéad reithe, agus ſeachd míle
agus ſeachd ccéud poc.
12 Agus dfás Iehoſaphat mór
go hadhbhal, agus do chuir ſé ſuás ann
Iúdah caiſlein agus caithreacha ſtóir.
13 Agus do bhí iomad gnothuigheadh
aige a ccaithreachaibh Júdah, & luchd
coguidh, daoine neartmhara gaiſgeamhla
ann Jeruſalem.
14 Agus is íadſo a nuibhre do réir
thighe a naithreadh: do Júdah caiptí-
nigh mílteadh; Adnah an té budh oir-
dhearca, & daoine cumaſacha a ngaiſ-
ceadh na ſhochair, trí chéad míle.
15 Agus na dhiaighſin do bhí Jeho-
hanan an caiptín, & na ſhochair ſin dhá
chéad agus ceithre fithchid míle.
16 Agus na dhiaigh ſin Amaſiah mhac
Sichri, noch dofráil é féin go toileamhuil
don Tighearna, & maille ris, dhá chéad
míle fear láidir beódha.
17 Agus do Bhenjamin; Eliada, fear
cumaſach a ccródhachd: agus maille ris
daoine armtha re bodha & re ſgéith,
dhá chéad míle.
18 Agus na dhiaigh ſin do bhí Iehoſa-
bad, & maille ris ſin céud & ceithre
fithchid míle, reigh gléaſta chum an
chogaidh
19 Do bhádar ſo ag feithiomh air an
Rígh, taobh amuigh don druing do
chuir an Rígh a ccaithreachuibh daingne
air feadh Júdah uile.

CAIB. XVIII.

Arrabh Jehoſaphat tar éis a chleamhnus re Ahab.

Anois

ANois do bhí saidhbhrios agus onóir ag
Jehoſaphat go lionmhar, & do rinne
ſé cleamhnas re Ahab.
2 Agus tar éis bliadhan áirigh, do-
chuaidh ſeiſion go Hahab go Samária, &
do mharbh Ahab caoirigh, & doimh go
lór dhó féin agus do na daoinibh do bhí
na fhochair, agus diarr air dul léis ſuas
go Rámot-gilead.
3 Agus a dubhairt Ahab Rígh Iſrael re
Iehoſaphat Rígh Iúdah, An racha tuſa
liomſa go Ramot-gilead? & do fhrea
gair ſeiſion é, Ataímſe mar atá tuſa, agus
mo dhaoine mar do dhaoineſi, agus
biamaoid leachd annſa ccogadh.
4 Agus a dubhairt Iehoſaphat re Rígh
Iſrael, Guidhim thú, fagh ſcéala ó bhrei-
thir an Tighearna a niugh.
5 Uimeſin do chruinnigh Rígh Iſrael
a bhfochair a chéile do na faighibh ceithre
chéad fear, & a dubhairt ſé riú, an racham
ſúas go Ramot-gilead do chur catha, nó
án locfa me? Agus a dubhradarſan, im-
thigh, oír do bhéara Día a láimh an Rígh í.
6 Acht a dubhairt Jehoſaphat, nach
bfuil annſo faigh oile do mhuintir an Ti-
ghearna, iondus go bhfiafrochaimís de?
7 Agus a dubhairt Rígh Iſrael re Ieho-
ſaphat, Atá fós aonduine amháin lé a
bhféadfuimís ceaſtnughadh um an Ttigh
earna: acht atá fuath agamſa air, óir ní
thairghireann ſé maith dhamh go bráth,
acht olc gach uile úair: ſé ſin Micajah
mhac Imla. Agus a dubhairt Jehoſaphat,
Ná habradh an Rígh marſin.
8 Agus do ghoir Rígh Iſrael ar
aon dá oifigeachaibh, agus a dubhairt,
tabhair leachd go luath Micajah mhac
Imla.
9 Agus do ſhuigh Rígh Iſrael & Ieho-
ſaphat Rígh Iúdah, gach áon aca iona
chathaoir féin éuduighthe iona róbuibh,
& do ſhuigheadar a nait fhairſing a ndul
a ſteach gheata Samária, agus na faighe
uile ag faigheadóireachd as a ccoinne.
10 Agus do rinne Sedeciah mhac
Chenaanah adharca iaruinn dó féin, &
a dubhairt, Is marſo a deir an Tighear-
ná, leó ſo bhuailfios tú Siria no go ſcrio-
ſtar iad.
11 Agus do thairghireadar na faighe
uile mar ſin, gha rádh, Imthigh ſuas go
Ramot-gilead, agus beir buaidh: oír do
bhéara an Tighearna a laimh an Rígh í.
12 Agus do labhair an teachdaire do
chuaidh do ghairm Mhicajah, dhá rádh
ris, féuch taiſbeanuid briathra na bhfágh
maith don Rígh ag teacht le chéile: gui-
dhim thú, bíodh thfocalſa mar an
ccéadna mar fhocal aoin díobhſan, agus
abairſi ní maith.
13 Agus a dubhairt Micajah, mar
mhairios an Tighearna, gidh bé ar bith
a déaras mo Dhia, iſé ſin a déaras miſi.
14 Agus a nuair tháinic ſé gus
an Rígh, a dubhairt an Rígh ris, A
Mhicajah, an rachum go Ramot-gilead
do chathughadh, nó an locfa mé? agus
a dubhairt ſeiſion, Imthigh ſúas agus
beiridh buaidh, óir do bhéarthar an bhur
láimh iad
15 Agus a dubhairt an Rígh ris; Cá
mhéid uair do ghreineochus mé thú gan
éainni do rádh riom acht fírinne, a nainm
an Tighearna?
16 Annſin a dubhairt ſeiſion, Do chon-
nairc mé Iſrael uile ſcaptha air na
ſléibhtibh mar chaorcha gan aodhaire,
agus a dubhairt an Tighearna, Ní bhfuil
maighiſtir acaſo, filledis ar a nadhbhar ſin
gach aon da thigh féin a ſíothchain.
17 Agus a dubhairt Rígh Iſráel re Ie-
hoſaphat, Nach ar innis mé dhuit nach
ttùairfeadh ſé maith dhamhſa acht olc?
18 A dubhairt ſé a rís, uimeſin éiſdigh
briathar an Tighearna, Do chonnairc mé
an Tighearna na ſhuidhe iona chathaoir
águs ſluagh fhlaitheamhnus na ſeaſamh
air a láimh dheis, agus chlé.
19 Agus a dubhairt an Tighearna,
Cia bhéaras air Ahab Rígh Iſrael dul
ſúas, agus tuitim ag Ramoth-gilead?
agus do labhair aon ghá rádh air an
modhſo, agus ar oile air an modh eile.
20 Annſin tháinic ſpiorad amach, agus
do ſheas ſe as coinne an Tighearna, agus
a dubhairt, faidechuidh miſi faoi. Agus
a dubhairt an Tighearna ris, creud lés?
21 Agus a dubhairt ſeiſion, racha
mé amach, agus biaidh mé am ſpiorad
bhréagach a mbeul a fhagh uile. Agus a
dubhairt an Tighearna, broiſteochuidh tú
é, agus fós éireochuidh leachd: éirigh
amach, agus déana mar ſin.
22 Anois ar a nadhbharſin féuch, do
chuir an Tighearna ſpiorad bréagach a
mbeul na bhſaghſa agadſa, & do labhair
an Tighearna olc at haghaidh.
23 Annſin tháinic Sedeciah mhac Che-
naanah a ccomhfhogus, agus do bhuail ſé
Micajah air an ngiall, & a dubhairt, cá
ſlighe a ndeachaidh ſpiorad an Tighear-
na uaimſe do labhairt riotſa?
24 Agus a dubhairt Micajah, féuch
do chífe tuſa air an lá ſin féin rachus tú
a ſeomra a bhfad a ſteach dot fho-
lach fein.
25 Ann ſin a dubhairt Rígh Iſráel, gla-
cuidhſe Micajah, agus beiridh air aiſ é
go Hamon riaghlóir na caithreach, agus
go Ioas mac an Rígh;
26 Agus abruidh, is marſo a deir an
Rígh, cuiridh é ſo annſa phríoſun, agus
biathuigh é lé harán na hanacra, agus le
huiſce na peannaide nó go bhfillidh miſi
a ſíothcháin.
27 Agus a dubhairt Micajah, má
fhilleann tú go deimhin a ſíothchain,
annſin níor labhair án Tighearna thríom-
ſa. Agus a dubhairt ſeiſion, Eiſdigh
ſo a phobal uile.
28 Marſin do chuaidh Rígh Iſrael &
Iehoſaphat Rígh Iúdah, ſúas go Ramot-
gilead.
29 Agus a dubhairt Rígh Iſrael re
Iehoſaphat, dicheilſe miſi mé féin, agus

agus racha mé chum an chatha, acht
cuirse do róbadha ort: marsin do dhi-
cheil Righ Israel é féin, agus do chuadar
chum an chatha.
30 Annois do fhuagair Righ na Siria
do chaiptinibh a charbad do bhí na fho-
chair, gha rádh, ná troidighsi re neach
beag no mór, acht ré Righ Israel amháin.
31 Agus tárla an tan do chonnca-
dar caiptinigh na ccarbad Iehosaphat,
go ndubhradar, isé so Righ Israel; uime-
sin thangadar na thimchioll do throid:
achd do eigh Iehosaphat go hárd, agus
do chuidigh an Tighearna ris, & thug
Dia orrasan a fhágbháil.
32 Oír tárla a nuair do aithnigheadar
caiptinigh na ccarbad nach é Righ Is-
rael do bhi ann, dfilleadar air a nais a
rís ó leanmhuin air.
33 Agus do tharruing duine ái-
righ bogha go teagmhuiseach, agus do
bhuail sé Righ Israel idir alta a lúirigh:
uime sin á dubhairt sé re na ghiolla
carbuid, fill do lámh, chor go mbeirir
amach as an tsluagh mé: oir ataim
loitigh.
34 Agus do mhéaduigh an cath an lá
sin: acht cheana do chonnuimh Righ Is-
rael é féin na sheasamh iona charbad a na-
ghaidh na Sírianach go tráthnóna: & tím-
chioll am greine dhul faoi fuair sé bás.

CAIB. XIX.

*Aithrighe & leasughadh Jehosaphat tar éis a
imdheargbadh ón Fhaigh.*

AGus dfill Jehosaphat Righ Judah da
thigh a siothchain go Jerusalem.
2 Agus do chuaidh Jehu mhac Hanani
an féachadoir amach na choinne, agus
a dubhairt sé ris an Righ Jehosaphat;
nar cóir dhuitsi congnamh ris a nduine
neimhdhiadha, & grádh do thabhairt
don luchd fhuathuighios an Tighearna?
uimesin atá fearg riot ó lathair an Ti-
ghearna.
3 Thairis sin frith neithe maithe
ionnad, mar do scriós tú na garraín as
an tír, & gur umhluigh tú do chroidhe
diarruidh Dé.
4 Agus do rinne Jehosaphat comh-
nuigh ann Jerusalem: agus do chuaidh
sé amach a rís ar feadh an phobail ó
Bheer-seba go sliabh Ephraim, agus thug
sé ar a nais iad chum an Tighearna Día
a naithreadh.
5 Agus do chuir sé breitheamhuin ann-
sa tír ar feadh caithreach daingean Jú-
dah uile ó chathruigh go cathruigh:
6 Agus a dubhairt sé ris na breithea-
mhnaibh, Tugaidh da bhur naire cred do
dhéantaoi: oír ní do dhuine bhéarthaoí
breath, achd don Tighearna, noch atá
maille ribh annsa bhreitheamhnus,
7 Anois uimesin biodh eagla an Tigh-
earna oruibh, tugaidh dá bhur naire
& déanaidh é; oír ní bhfuil éaiceeart ar
bith ann ar Ttighearna Diane, nó meas
air phearsannuibh, nó glacadh chumh-
thach,
8 Do chuir fos Iehosaphat ann Ieru-
salem do na Lebhitibh, agus do na sagar-
tuibh, agus do thogha aithreach Israel,
do dhéanamh breitheamhnuis an Tigh-
earna, & do réiteach imreasuin, a nuair
do fhillidís go Ierusalem.
9 Agus do chuir sé dualach orra,
dhá rádh, marso do dhéantaoi a nua-
mhan an Tighearna, go hionnruic, agus
le croidhe iomlán.
10 Agus gidh bé ar bith cúis thiuc-
fas chugaibh ó bhur ndearbhráithribh
chomhnuigheas iona ccaithreachaibh,
eidir fhuil agus fhuil, idir dhligheadh &
aithne, reachda agus bhreitheamhnusa,
do bhéarthaoi fuagra dhóibh gan aindli-
gheadh do dhéanamh a naghaidh an Ti-
ghearna, as a ttiucfadh dioghaltas oruibh,
& air bhur ndearbhráithribh: déunuidh
so, & ní dhéantuídh aindligheadh.
11 Agus féuchuidh, atá Amariah an
tárdshagart ós bhur ccionn, a nuile chúi-
seannuibh an Tighearna, agus Sebadiah
mhac Ismael riaghluidheóir thighe Júdah
ar son uile chúiseann an Righ; béid na
Lebhitigh fós na noifigeachaibh re bhur
naghaidh. Déanuidh go curata, & biaidh
an Tighearna maille ris an maith.

CAIB. XX.

*Do chladidh Dia na Hammonitigh &c, a
leith Jehosaphat 35 Noch tá ttug Eliéser
aithfir ar son a cheangal lé Ahaziah.*

TArla na dhiaigh so fós go ttanga-
dar clann Mhoab, agus clann
Ammon, & daoine oile maille riú taobh
amuich do na Hammoniteachuibh, do
chathughadh a naghaidh Iehosaphat.
2 Annsin tháinic drong dionnis do Jeho-
saphat, gha rádh, thangadar slúagh mór a
taghaidh a nall tar fairge don taoibhsi
do Shíria, agus féuch ataid siad ann Ha-
sason-tamar, noch isé Engedi.
3 Agus do ghabh eagla Iehosaphat,
agus do leíg é féin diarruidh an Ti-
ghearna, agus dfuagair sé troscadh air
feadh Júdah uile.
4 Agus do chruinnigh Júdah iad féin
a ccionn a chéile diarruidh cunganta air
an Ttighearna: eadhon as caithreachaibh
Júdah uile thangadar diarruidh an Ti-
ghearna.
5 Agus do sheas Jehosaphat a lár oir-
eachduis Júdah & Jerusalem a ttigh an
Tighearna as coinne na cúirte núaidhe.
6 Agus a dubhairt sé, ó a Thighearna
Día ar naithreadh, nach tusa is Día a
bhflaitheamhnus? agus nach riaghlann
tú ós cionn uile rioghacht na ngeinteadh?
agus nach bhfuil cumhacht agus neart ad
laimh, iondus nach éidir deanneach cur
a taghaidh?
7 Nach tú ar Ndiane, noch do theilg
amach dúthchusuigh na tíresi roimhe do
phobal Israel, & thug thú í do shiol
Abraham do chara féin go bráth?
8 Agus do áitigheadar annsin, agus do
rinneadar sanctoir dhuitsi ann, dot ainm,
gha rádh,

9 Ma ſheasmaoid as coinne an tigheſi,
agus dot lathairſi, (óir atá hainm a
ſtighſe) a nuair thiocfas olc oruinn, mar
atá an cloidheamh, breitheamhnus, nó
pláigh, nó gorta, & éighfeam chugadſa
ionar naindeiſi, annſin cluinfe tuſa, agus
cuideochuidh tú [rinn.]
10 Agus annois féuch clann Ammon,
agus Mhoab, agus ſhleibhe Seir, nach ar
léig tú do chloinn Iſrael dionnſuighe, a
nuair thangadar as crích na Hégipte,
acht do fhilleadar úatha, agus níor
mhilleadar íad.
11 Féuch (a deirim) an luaigheacht
do bheirid dhúinn teacht dar teil-
gion as do ſheilbhſi,noch thug tú dhúinn
a noighreacht.
12 O ar Ndia, nach béara tú breath
orra? óir ní bhfuil neart ionnuinne a
naghaidh na buidhne móireſi thig ar
naghaidh, agus ní feas dúine créad do
dhéanam, acht ar ſúil do bheith riotſa.
13 Agus do ſheas Júdah uile as coinne
an Tighearna, & a cclann bheag,a mná,
agus a leanba.
14 Ann ſin thainic ſpiorad an Tigh-
earna air Iahafiel mhac Secharia, mhic
Benajah, mhic Jehiel, mhic Matta-
niah, Lebhiteach do mhacaibh Aſaph, a
measc an chomhchruinnigh.
15 Agus a dubhairt ſé, Eiſtighſi a
Júdah uile, agus ſibhſi a áitreabhacha
Ieruſalem, agus tuſa a Rígh Jehoſa-
phat, is mar ſo a deir an Tighearna
ribh, ná bíodh eagla nó anbhuain oruibh
ar ſon a niomaid coimthionóilſi; óir ní
libhſi an cath,achd lé Dia.
16 A márach téighidh ſíos na na-
ghaidh: féuchuidh a taidſion ag teacht
a níos a ſlighe bheinne Sis, & do gheabh-
thaoi íad ag ceann na habhann, as
coinne fháſaigh Jeruel.
17 Ní ríachdanus daoibh troid annſa
chathſo ſibh fein; ſeaſuidh bhur ccomh-
nuigh, agus do chífidhe cabhair an Tigh-
earna maille ribh, ó a Júdah & Jeruſa-
lém: ná himeagluighidh, & ná lithidh;
a, márach éirgidh amach na naghaidh,
oír biaidh an Tighearna maille ribh.
18 Agus do chrom Jehoſaphat a cheann
agus a aghuidh chum na talmhan, agus
do leig Júdah uile, agus muintir Jeruſa-
lem íad fein ſíos as coinne an Tighear-
na ag adhradh an Tighearna.
19 Agus na Lebhitigh do chloinn na
Ccobatiteach, agus do chloinn na Ccor-
hiteach,déirgheadar ſúas do mholadh an
Tighearna, Dia Iſrael le guth árd fol-
luſghlan.
20 Agus deirgheadar go moch ar
maidin, agus do chúadar amach go
fáſach Teoca: agus mar do chuadar
amach, do ſheas Jehóſaphat, agus a du-
bhairt, Eiſtigh riomſa a Iúdah, agus
ſibhſi áitreabhuigh Jeruſalem, Creidigh
ann bhur Ttighearna Día, marſin bhéi-
thí daingion; creidigh dhá fháighe, agus
béarthaoi buaidh.

21 Agus an tan do rinne ſé comhairle
le ris an bpobal, dórduigh ſé
ceóil don Tighearna, agus do
fadh ſciamh na naomhthachda, a
do rachaidís amach as coinne an tſloigh
agus a rádh, Moluidh an Tighearna, oír
maíridh a thrócaire go bráth.
22 Agus an tan do thoſuigheadar
an ceól agus an moladh, do chuir
an Tighearna luigheachain a naghaidh
chloinne Ammon, Mhoab, agus ſhléibhe
Seir, noch thainic a naghaidh Iúdah, &
do buaileadh íad.
23 Oír do ſheaſadar clann Ammon,
agus Mhoab ſúas a naghaidh áitreabha-
cha ſhléibhe Seír, da marbhadh agus
da léirſcrios: agus an tan do chuire-
dar deireadh le marbhadh mhuintir
Seir, thug gach aon aca fein diththcheall
ar a chéile do mharbhadh,
24 Agus a nuair tháinic Júdah láimh
re tor na faire annſa bhfáſach, do
chadar ar a tſluagh mór, agus féuch
do bhádar na ccorpuibh marbha a
ttuitim go talamh, agus ní dheachaidh
duine as díobh.
25 Agus a nuair tháinic Iehoſa-
phat agus a dhaoine do bhreith a
ndéadála leó, fuaradar a measc na
ccorp marbh iomarcaidh ſaidhbhris agus
ſeód buádha (noch do nochtadar díobh
dhóibh féin) níos mó ná dfeudadar
diomchar; agus do bhádar trí lá ag
cruinniughadh na héadála, do bhí ſí
commhorſin.
26 Agus air an cceathramadh lá
do chruinnigheadar íad fein a ngleann
Berachah, óir is annſin do bheannuigh-
gheadar an Tighearna: ar a radhſin
ſin do goireadh gleann Beracha do ainm
ſin gus a niugh.
27 Ann ſin dfilleadar gach uile dhuine
do Iúdah & do Jeruſalém, & Iehoſa-
phat na ttoſach, do dhul a ris go Ieru-
ſalem maille re luáthghaire: óir thug
an Tighearna orra gáirdeachus do dhéa-
namh ós cionn a námhad.
28 Agus thangadar go Ieruſalem le
ſaltrachaibh, & le cláirſeachuibh, agus lé
ſtocaibh, go tigh an Tighearna.
29 Agus do bhí eagla Dé ar riogh-
chtuibh na ccríoch ſin uile, a nuair do
chualadar gur throid an Tighearna a
naghaidh námhad Iſrael.
30 Mar ſin do bhí ríoghacht Iehoſ-
aphat ciúin: óir thug a Dhia ſuaimhneas
dó timchioll fa ccuairt.
31 Agus do bhí Jehoſaphat na Rígh
ós cionn Júdah: do bhí ſé tríochad
agus cúig bhliadhna daois a nuair do
thoſuigh ſé a ríghe, agus do ríoghaidh
ſé cúig bhliadhna fithchiod ann Ieru-
ſalem: agus dob é ainm a mhathar
Aſubah inghean Shilhi.
32 Agus do ſhiubhail ſé a ſlighe Aſa
a athar, níor dhealuidh ſé ria, ag leanu-
mhuin an neithe do budh ceart a ra-
dharc an Tighearna,
33 Gidheadh

33 Gidheadh níor cuireadh na háite
árda ar ccúl: óir níor ullmhuigheadar na
daoine a ccroidhthe fós do Dhía a nai-
threadh.
34 Anois an chuid oile do ghníomh-
aibh Jehosaphat, tosach & deighionach,
féch atáid scríobhtha a leabhar Jehu
mhic Hanani, noch air ar labhradh a lea-
bhar Ríogh Israel.
35 Agus na dhiaigh so do cheangail
Jehosaphat Rígh Júdah é féin lé Ahasiah
Rígh Israel, noch do bhí lán do
dhrochghníomhuibh.
36 Agus do cheangail seision é féin
ris do dhéanamh long do dhul go Tar-
sis: agus do rinneadar no lunga a Ne-
son-gaber.
37 Annsin do thairghir Eliéser mhac
Dodabhah ó Mharesah a naghaigh Je-
hosaphat, ga rádh, Do bhrígh gur
cheangail tú thú féin re Ahasiah, do bhris
an Tighearna hoibreacha: agus do bhá-
dar na longa briste, go nár bhféidir leó
dul go Tarsis.

CAIB. XXI.

A Jehoram fhuilteach do thairrgir Elias bás
fuathmhur do theachd.

ANois do choduil Jehosaphat a bhfo-
chair a aithreadh, agus do hadh-
laiceadh agá aithribh é a ccathruigh
Dháibhi, agus do ríoghuidh Jehoram a
mhac iona áit.
2 Agus do bhádar dearbhráithre
aige, mic Jehosaphat, Asariah, agus Jehiel,
agus Sechariah, agus Asariah, agus Mi-
chael, agus Sephatiah: dob íadso uile
mic Jehosaphat Rígh Israel.
3 Agus thug a nathair tiodhlaice móra
dhóibh dairgead agus dór, agus do nei-
thibh mórluaigh, maille re caithreachaibh
daingne ann Judah: acht thug sé an río-
ghacht do Jehoram, do bhrígh gur bhé
an chéidghin é.
4 Anois a nuair do bhí Jehoram ar
éirghe suas a ríoghacht a athar, do
dhaingnidh sé é féin, agus do mharbh
sé a dhearbhráithreach uile leis an
cclaidheamh, agus fós mórán do phrionn-
sadhuibh Israel.
5 Do bhí Jehoram dhá bhliadhuin déag
agus fithche daois a nuair do thosuigh
sé a righe, agus do bhí sé na Rígh ocht
mbliadhna ann Jerusalem.
6 Agus do shiubhail sé a slighe
Ríogh Israel amhuil do rinne tigh A-
hab: óir do bhí inghean Ahab aige na
mnaoi: agus do rinne sé an ní fa
holc a radharc an Tighearna.
7 Acht cheana níor bháill leis an
Tighearna tigh Dháibhi do scrios, do
bhrígh an chunnartha do rinne sé re
Dáibhi, & mar do gheall sé solus do tha-
bhairt dó, & dá mhacaibh go bráth.
8 Ann a laéthibhsion déirgheadar na
Hedomitigh ó bheith fa ríaghuil Júdah,
agus do rinneadar Rígh dhóibh féin.
9 Ann sin do chuaidh Jehoram amach
le na phrionnsadhuibh, agus a charbuid
uile leis, & déirigh sé san noidhche, & do
bhuail sé na Hedomitigh do tháinic na
thimchioll & caiptínigh na ccarbad.
10 Mar sin do chuadar na Hedo-
mitigh ó bheith fáoi laimh Júdah gus
a niugh. Annsa nam chéadna fós do
fhill Libnah ó bheith fáoi na láimh, do
bhrígh gur thréig sé an Tighearna Día a
aithreadh.
11 Tuilleamh fós do rinne sé aite
árda a sléibhtibh Júdah, agus thug sé
air mhuintir Jerusalem striopachus do
dhéanamh, agus do choimhéignidh sé
Júdah chuige sin.
12 Agus tháinic scríbhinn chuige ó
Elias an faigh, gha rádh, Is marso a
deir an Tighearna Día hathar Dái-
bhi, do bhrígh nar shiubhail tú a sligh-
thibh Jehosaphat hathar, ná a slighthibh
Asa Rígh Judah.
13 Acht gur shiubhail tú a slighe
Rígh Israel, agus gur chuir tú dfíachaibh
air Judah agus air áitreabhachaibh Je-
rusalem dul le striopachus amhuil strio-
pachus thighe Ahab, agus mar an
ccéadna mar do mharbh tú do dhearbh-
ráithre do thigh hathar, do bhí ní budh
fearr ná thú féin:
14 Féuch, buailfidh an Tighearna do
dhaoine lé pláigh mhóir, agus do chlann,
agus do mhná, agus de mhaóin uile.
15 Agus do gheabha tú easlainte do
thinneas hinneadh, nó go ttuite hionathar
amach do bhrígh an ttinnis lá ar lá.
16 Tuilleamh oile, do chorruigh an
Tighearna suas a naghaidh Jehoram
spiorad na Bphilistíneach, & na Nara-
bianach do bhí láimh ris na Hetiópiana-
chaibh.
17 Agus thangadar suas go Júdah,
agus do bhriseadar a steach innte, a-
gus rugadar leó a nuile mhaoin, noch
do frith a ttigh an Rígh, agus a mhic
agus a mhná mar an ccéadna, ionnus nar
fagbhadh aonmhac aige, acht Jehoahas
an té dob óige dá mhacaibh.
18 Agus na dhiaigh so uile do bhuail
an Tighearna é féin iona innighibh le
heasláinte dhóileighis.
19 Agus tárla a ccionn athnidh, tar
éis dhá bhliadhan, gur thuit a mhionach
as, do bhrígh a thinnis: mar sin fuair sé
bás deasláintibh géara, agus ní dhéarna-
dar a dhaoine losgadh ar bith ar a shon
do nós loisge a aithreadh.
20 Do budh dhá bhliadhuin déag ar
fhithchid a aois, a nuair do thosuigh sé
a ríghe, agus do bhí na Rígh an Jerusalem
ocht mbliadhna, & dimthigh sé gan íar-
ruidh air: acht cheana do adhlaiceadar
é a ccathruigh Dháibhi, gidheadh ní a
ttúamaibh na Ríogh.

CAIB. XXII.

Tar éis mharbhadh Ahasiah agus Joram
le Jehu, 11 Do fholchadh Joas ó Ata-
liah.

Agus

AGus do rinneadar áitreabhuigh Jerusalem Righ do Ahasiah a mhac dob óige iona áit: óir an sluagh daoine tháinic leis na Harábianachaibh don fhoslongphort, do mharbhadar an chlann sa sine uile. Marsin do rioghuigh Ahasiah mhac Jehoram na Righ ann Júdah.

2 Dhá bhliadhuin agus dá fithchiod daois do bhí Ahasiah a nuair do thosuigh sé ríghe, agus do bhí sé na Righ aon bhliadhuin ann Jerusalem: do bé fós ainm a mhathar Ataliah inghean Omri.

3 Do shiubhail sé mar an ccéadna a slighthibh thighe Ahab: óir do bí a mhathair a chomhairleach, do dheanamh uilc.

4 Ar a nadhbharsin do rinne sé olc a radharc an Tighearna cosmhuil ré tigh Ahab: óir dob iad sin a chomhairligh tar eis bháis a athar, dá ttáinic a mhilleadh.

5 Do shiubhail sé mar an ccéadna do reir a ccomhairle, agus do chuaidh sé le Jehoram mhac Ahab Righ Israel, do chogadh a naghaidh Hasael Righ na Síria a Ramot-gilead: agus do bhuaileadar na Sirianuigh Joram.

6 Agus dfill sé chum a leighis go Jesreel, do bhrigh na ccneadh tugadh air a Ramah a nuáir do throid sé re Hasael Righ na Síria, agus do chuaidh Asariah mhac Jehoram Righ Júdah sios dféuchuin Jehoram mhic Ahab Righ Israel ann Jesreel, mar do bhí sé tinn.

7 Agus is ó Dhía do bhí milleadh Ahasiah, do bhrígh a dhul dféachuin Jehoram: óir an tan tháinic sé, do chuaidh sé amach le Jehoram a naghaidh Jehu mhic Nimsi, noch do unguidh an Tighearna do dhibirt thighe Ahab.

8 Agus tárla a nuair do bhí Jehu ag criochnughadh breitheamhnuis ar thigh Ahab, agus fuair sé prionnsadha Júdah agus mic dearbhraithreach Ahasiah do bhí ag serbhis do Ahasiah, gur mharbh sé iad.

9 Agus diarr sé Ahasiah, agus rugadar air; oir do bhí sé a bhfolach a Samária, agus thugadar go Jehu é; agus a nuair do mharbhadar é, do adhlaiceadar é, do bhrigh (ar siadsan) gur bé mac Jehosaphat é, noch diarr an Tighearna maille re na uile chroidhe: marsin nach raibh cumhachda ag tigh Ahasiah an rioghachd do choingmhail a ccomhnuidhe.

10 Acht a nuair do chonnairc Ataliah mathair Ahasiah gur marbhadh a mac, déirigh sí, agus do mharbh sí uile shliochd riogha thighe Júdah.

11 Acht Jehosabeat inghean an Righ, do ghlac sí Joas mhac Ahasiah, agus do ghad sí é ó bheith a measc na mac Riogh dó marbhadh, agus do chuir é féin agus a bhanaltra a seomra codalta; mar sin Jehosabeat inghean an Righ Jehoram bean Jehoiada an Sagart (oir bá deirbhshiúr do Ahasiah í) dfoluigh sí é ó Ataliah, go nar mharbh sí é.

12 Agus do bhí sé a bhfolach a[...] ttigh Dé, sé bliadhna, agus do riogh[...] Ataliah ós cionn na tíre.

CAIB. XXIII.

Do dhearnadh Rígh do Jóas le Jehoiada [...] Sagart. 12 Do mharbhadh Atalia. 16 [...] do shocruigheadh an crabbadh ceart.

AGus annsa seachdmhadh bliadh[...] neartuigh Jehoiada é féin, agus th[...] Caiptínigh na ccéd a ccunradh ris, As[...] mhac Jeroham, agus Ismael mhac [...] hohanan, agus Asariah mhac Obed, [...] Maasiah mhac Adaiah, agus Elis[...] mhac Sichri.

2 Agus do chuádar timchioll Júda, [...] do chruinnigheadar na Lebhitigh [...] as uile chaithreachaibh Júdah, agus c[...] aithreach Israel, agus thangadar [...] Hierusalem.

3 Agus do rinne an comhchruinnigh[...] adh uile cunnradh ris an Righ a [...] Dé, agus a dubhairt seision riu, [...] biaidh mac an righ na righ mar a d[...] airt an Tighearna a ttáobh chloinne D[...]

4 A sé so an ní do dhéantaoi, [...] aguibh do na Sagartuibh & do na Le[...] tibh théid a steach air an Tsáboid, [...] na ndoirseóiribh ag na doirsibh.

5 Agus trian a ttigh an Righ, a[...] gus trian ag an bprímhgheat[a]: agus [...] béid na daoine uile a ccúirtibh thighe a[n] Tighearna.

6 Acht ná tigeadh áonduine go tigh an Tighearna, acht na Sagairt agus a[n] mhéid do na Lebhitibh bhías ag [...] strálachd: rachuid siadsan a steach, [...] atáid náomhtha; agus coimhéad[...] pobal uile faire an Tighearna.

7 Agus timchiollfuid na Lebhitigh a[n] Rígh fa gcuáirt, gach áon gun a a[rm] iona láimh, agus gidh bé thiocfas [...] tigh, cuirfighear chum báis é: a[...] bithise a bhfochair an rígh a [...] thiucfas sé a steach, agus a nuair [...] sé amach.

8 Mar sin do rinneadar na Lebhitigh agus Júdah uile, do réir gach [...] dár aithin Jehoiada an sagart, agus do rug gach áonduine leis a dhaoine do b[hí] re teachd a steach ar an tsáboid, maille ris an druing do bhí ag dul amach ar an tsáboid; óir nior scaóil Jehoiada na cúrsadha.

9 Tuilleamh fós, thug Jehoiada an Sagart do chaiptinibh na ccéad, gaethe a[...] gus buiclérigh, agus sciatha, noch bhí [...] Dáibhi Righ. do bhí a ttigh Dé.

10 Agus do shuighidh sé na daoine [...] gach áon gun a arm iona láimh, ón taobh theas don teampall gus an ttaobh t[uaidh] don teampall, re taoibh na haltóra agus an teampuill, ar fad láimh ris a[n] Rígh.

11 Ann sin thugadar amach a[n] Rígh, agus do chuireadar an choróin air, agus thugadar an fiadhnuise dhó, agus do rinneadar rígh dhe, agus d[o] [...]

ung Jehoiada agus a mhic é, agus a du-
bhradar, Go mairigh an rígh.
12 Anois an tan do chúaluidh Ataliah
an ndaóine ag rioth, agus ag moladh an
rígh, tháinic ſi chum an phobail go tigh
an Tighearna.
13 Agus damhairc ſi, agus féuch do
ſheas an rígh agá philéur ag an ndul
a ſteach, agus na prionnſadha agus na
trumpadha a bhfochair an rígh : a-
gus do bhí pobal na tíre uile ag
gáirdeachus, agus ag déanamh fuáime
re ſtocaibh, agus an luchd ciúil le
hadhbhadhuibh ciúil, agus an mhéid do
theagaiſgeadh duáin mholta. Ann ſin
do bhris Ataliah a héadach, agus a
dubhairt, Feall, feall.
14 Ann ſin thug Jehoiada an ſa-
gart amach caiptínigh na ccéad do
cuireadh ós cionn an tſlóigh, agus a
dubhairt ſé ríu, Beiridh amach í as na
ſréathaibh ; agus gidh bé leanſas í, mar-
bhthar é leis an ccloidheamh : óir a du-
bhairt an ſagart ; ná marbhuidh a ttigh
an Tighearna í.
15 Mar ſin do chuireadar lámha innte,
agus a nuáir tháinic ſi go dul a' ſteach
geata na neach, láimh re tigh an Rígh
do mharbhadar ann ſin í.
16 Agus do rinne Jehoiada cunnradh
eidir é féin, agus an pobal uile, agus an
rígh, go mbéidís na muintir ag an
Tighearna.
17 Ann ſin do chuáidh an pobal uile
go tigh Bhaal, agus do bhriſiodar ſíos é,
agus do bhriſiodar a altóra, agus a
íomháigh na mblodhaibh, agus do mhar-
bhadar Mattan ſagart Bhaal a bhfiadh-
nuiſe na naltórach.
18 Dórduigh Jehoiada mar an ccé-
adna oifigidh thighe an Tighearna
re láimh na ſagart na Lebhítigh, noch
do roinn Dáibhi a ttigh an Tighearna
do thabhairt ofrála loiſge an Tighearna,
mar atá ſcríobhtha a ndlighеadh Mhaóiſe,
maille ré gáirdeachus agus re céol, mar
dórduigh Dáibhi.
19 Agus do chuir ſé doirſeóirigh ag
geataibhuibh thighe an Tighearna, ion-
dus nach ttiucfadh duine ar bith
do bheith neamhghlan a neinni, a ſteach
ann.
20 Agus rug ſé leis caiptínigh na
ccéad, agus uáiſle, agus úachdarain an
phobuil, agus luchd na críche uile, a-
gus thugadar an rígh a núas ó thigh
an Tighearna, agus thangadar thríd
an ngeata árd go tigh an rígh, a-
gus do chuireadar an rígh a ccathaóir na
ríoghachta.
21 Agus do rinneadar daóine na tíre
uile lúathgháire, agus do bhí an cha-
thair ſuáimhneach, tar éis Ataliah do
mharbhadh leis an ccloidheamh.

CAIB. XXIV.

Tar éis bhais Jehoiada do chlaon Joas chum na nìodhal ; 23 do rug na Sirianuigh búaigh air.

DO bhí Joas ſeacht mbliadhna dáois
a núair do thoſuigh ſé a righe
agus do bhí na rígh ceathrachad blía-
adhan ann Jeruſalem : agus do bé ainm
a mhathar Sibea ó Bheer-ſéba.
2 Agus do rinne Joas an ní fa maith
a radharc an Tighearna air feadh laethe-
adh Jehoiada an Sagart.
3 Agus thug Jehoiada días ban
chuige, agus do ghein ſé mic agus in-
gheana.
4 Agus tárla na dhiaigh ſo go raibh
dinntinn ag Joas tigh an Tighearna
do leaſughadh.
5 Agus do chruinnigh ſé a bhfochair
chéile na ſagairt agus na Lebhítigh,
agus a dubhairt ſé riu, éirghidhe amach
go caithreachaibh Júdah, agus cruinni-
gidh ó Iſrael uile, airgiod dathnuaghadh
thighe bhur Ndé ó bhliadhuin go bli-
adhuin, agus féuchuidh go ndéantaoi
deithnios ris an ccúis : gidheadh ní dhé-
arnadar na Lebhitigh deithnios ris.
6 Agus do ghoir an rígh air Jehoiada
an túachdarán, agus a dubhairt ſé ris,
cred fa nár chuir tú dſíachaibh air na
Lebhítibh an gearradh do thabhairt a
ſteach ó Júdah agus ó Jeruſalem do réir
aithne Mháoiſe ſerbhíſeach an Tighearna,
agus chomhchruinnighe Iſrael go taber-
nacuil na fiadhnuiſe?
7 Oír do bhriſiodar mic Ataliah an
droichbheanſin, tigh Dé, agus do bhron-
nadar do Bhalíim neithe coiſreagtha
thighe an Tighearna.
8 Agus ar aithne an Rígh do rínnea-
dar cófra, agus do chuireadar táobh a-
muich é ag geata thighe an Tighearna.
9 Agus thugadar fúagra ar feadh Jú-
dah agus Jeruſalem, an gearradh do leag
Maoiſé óglach Dé anſa bhfáſach ar
Iſrael, do thabhairt a ſteach chum an
Tighearna.
10 Agus do bhí lúathgháire ar na
prionnſadhuibh agus ar an bpobal uile,
agus thugadar a ſteach, agus do thell-
geadar annſa chófra nó gur chuireadar
críoch air.
11 Anois tárla fá an nam ar tu-
gadh an cófra go hoifig an Rígh le
láimh na Lebhiteach, agus a nuair do
choncadar gur mhór an tairgiod ; thainic
ſcribhneóir an rígh & oifigeach a nárdſha-
gairt, & dfolmhuigheadar é, & do ghla-
cadar agus rugadar dhá áit féin a rís é.
Marſo do nídís lá ar lá, agus do chrúin-
nigheadar iomarcaidh airgid :
12 Agus thug an rígh, agus Jehoia-
dah é do na daoinibh do rinne ſerbhís
thighe an Tighearna, agus fós don lucht
doibrigh íarann agus prás do dheaſu-
ghadh thighe an Tighearna.
13 Marſin do oibrigheadar an luchd
ſáothair, agus do chríochnuigheadar a
nobair go hiomlan, agus do chuireadar
tigh Dé iona ſtaid féin, agus do dhain-
gnigheadar é.
14 Agus a núair do chríochnuigheadar
é,

é, thugadar an chuid oile do nairgiod a
lathair an Rìgh agus Jehoiada, dá ndear-
nadh soithighe do thigh an Tighearná,
soithighe óir & airgid: & dofráladar
ofrála loisge a ttigh an Tighearna a
ccomhnuigh, ar feadh laéthеadh Jehoiada.
15 Acht do bhi Jehoiada áosta, agus
lán do láethibh a nuair déug sé; céud
agus tríochad bliadhan dáois do bhi sé a
núair fuáir sé bás.
16 Agus do adhláiceadar é a cca-
thruigh Dháibhi a measc na Ríogh, do
bhrígh go ndéarna sé maith ann Israel a-
ráon a ttaobh Dé agus a ttaobh a thighe.
17 Annois tar éis bháis Jehoiada than-
gadar prionnsadha Júdah, agus do rinne-
adar umhla don Rígh; annsin déist
an Rígh riú.
18 Agus dfágbhadar tigh an Tighear-
na Día a naithreadh, agus do fhriothai-
leadar garráin agus iodhuil: agus tháinic
dioghaltus air Júdah agus air Jerusa-
lem ar son an pheacaidhsi aca.
19 Gidheadh do chuir seision fáidhe
chuca dá ttabhairt air a nais chum an
Tighearna, & do fhiadhnuigheadar na na-
ghaidh: achd ní thugadarsan aire dhoibh.
20 Agus tháinic spiorad Dé air Shecha-
riah mhac Jehoiada an sagart, noch do
sheas ós cionn an phobail, agus a
dubhairt sé riu, Is mar so a deir
Día; Cred fa sarúighthi aitheanta an Ti-
ghearna, as nach féidir libh bheith séan-
mhar? do bhrígh gur thréigeabhair an
Tighearna, do thréig seision fibhsi mar
an gcéadna.
21 Agus dfealladar iona aghaidh,
agus do chlochadar lé clochaibh é ar
aithne an Rígh a ccúirt thighe an Ti-
ghearna.
22 Marso nar chuimhnigh an Rígh
Joas an cinéul do rinne a athair Jeho-
iada air, acht do mharbh se a mhac:
agus a nam a bhais a dubhairt sé, Go
bhfaicidh an Tighearna sin, agus go
ccúitighidh sé é.
23 Agus tárla a ndeireadh na bli-
adhna go ttáinic slúagh na Siria súas
na aghaidh: agus thangadar go Júdah
agus go Hierusalem, agus do mharbhadar
na prionnsadha uile a measc an phobail,
agus do chuireadar a néadail uile go Rígh
Dhamascus.
24 Oir tháinic slúagh na Sirianach le
cuideachduin bhig dhaoine, agus thug an
Tighearna slúagh romhór na láimh, do
bhrígh gur thréigeadar an Tighearna Día
a naithreadh: marsin do rugadár
breitheamhnus a naghaidh Joas.
25 Agus a nuair do imthigheadar úadh
(óir dfágbhadar a neasláintibh móra é)
do oibrigheadar a sheirbhísigh féin
na aghaidh ar son fhola mhac Jehoiada
an sagart, agus do mharbhadar é ar
a leabuidh, agus fúair sé bás: agus
do adhlaiceadar é a ccathruigh Dhaibhi,
acht níor adhlaiceadar a ttuamaibh na
ríogh é.
26 Agus is íad so an luchd …
na aghaidh, Sabad mhac Simeat …
Tammoniteach, agus Jehosabad …
Simrit an Moabiteach,
27 Anois a ttaobh a mhac, …
mhéid a núaluidh do cuireadh air, …
leasughadh thighe Dé, feuch atáid …
scríobhtha a stair leabhair na Ríogh …
agus do ríoghuidh Amasiah a mhac …
áit.

CAIB. XXV.

Do thosuigh Amasiah Ri Judah go maith …
14 Ach do chriochnuigh go holc.

DO bhí Amasiah cúig bhliadhna …
fithchiod dáois a nuair do …
sé a ríghe, agus do bhí na ríogh …
mbliadhna fithchiod ann Jerusalem: …
do bé ainm a mhathar Jehoaddan ó Jeru-
salem.
2 Agus do rinne sé an ní fa maith …
a radharc an Tighearna, acht …
croidhe iomlán.
3 Anois tárla a nuáir do dhaing-
ghadh an ríoghachd dó, gur mharbh
sé a sheirbhísigh noch do mharbh a
rígh a athair.
4 Acht níor mharbh sé a clann, acht
do rinne sé mar atá scríobhtha a soi-
gheadh leabhair Mháoise, mar a …
an Tighearna, gha rádh, ní muir…
na haithre thríd an ccloinn, agus ní mui-
fighthear an chlann thríd na haithre, …
acht muirfighthear gach éanduine …
choir fein.
5 Tuilleamh oile, do chruinnigh
Amasiah Júdah a ccionn a chéile, agus
do rinne sé Caiptínigh ós cionn mílte
dhiobh, agus Caiptínigh ós cionn ché…
do reír thighe a naithreadh ar feadh Jú-
dah, agus Benjamin: agus do áirimh
sé iad ó aois fhithchiod bliadhan a-
gus ós a chionn, agus fúair sé dhiobh
trí chéad míle fear toghtha …
amach a ccogadh, dar bhéol … agus
sgiath do ghlacadh.
6 Dfostoigh sé mar an gcéadna céd
míle fear árrachta a ngaisgidh as Israel …
céud tallann airgid.
7 Acht tháinic óglach ó Dhia …
gha rádh, ó a Rígh, ná héirgeadh …
Israel leachd: óir ní bhfuil an Tighearna
re Hisrael, le cloinn Ephraim uile.
8 Acht mas toil leachd imtheacht …
déan, bí láidir a ccomhair an chatha; …
bhéara Día ort tuitium roimhe do …
mhuid: óir is ag Día ata cumas …
thála, agus leagtha.
9 Agus a dubhairt Amasiah re hoglach
Dé, acht cred dhéanam ris an ccéd
tallann, noch thug mé do shlúagh Israel?
agus do fhreagair oglach Dé é, Is …
leis an TTighearna níos ro mó ná so …
thabhairt duit.
10 Ansin do dhealuigh Amasiah iad,
eadhon an slúagh tháinic chuige ó Eph-
raim, do dhul don bhaile a rís: … do
hadhnadh a bhfearg go mór a naghaidh
Júdah

Júdah, agus dfilleadar a bhaile lán
dfeirg.
11 Agus do neartuigh Amaſiah é
féin, agus do thréoruigh ſé a mhuinntir
amach, agus do chuáidh ſé go gleann
an tſaluinn, agus do bhuail ſé do chloinn
Seir deich míle.
12 Agus deich míle oile do ſágbhadh
béo, rugadar clann Júdah léo a láimh
iad, agus thugadar go mullach
na cairge íad, agus do theilgeadar ſíos
iad do mhullach na cairge, gur briſeadh
na mblodhuibh íad.
13 Acht na ſoighdiúirigh do chuir
Amaſiah ar a nais, chor nach rachai-
dis leis chum catha, do thiomáineadar
ar chaithreachaibh Júdah, ó Shamáriah
air fad go Bet-óron, agus do bhuáilea-
dar trí mhíle dhíobh, agus rugadar
ionnmuigh éadála léo.
14 Annois tárla a nuáir dfill Ama-
ſiah ó ár na Nedomiteach, go ttug ſé dee
chloinne Seir leis, agus gur chuir ſé ſúas
mar dhée dhó féin íad, agus do chrom
ſé é féin ſíos dóibh, agus do loiſg ſé túis
dóibh.
15 Uimeſin do badhnadh fearg an
Tighearna re Amaſiah, agus do chuir
ſé ſaigh chuige, noch a dubhairt ris,
Cred ſár iarr tú a ndiáigh dheeibh na
ndáoine nach ar fhéad a ndáoine féin do
ſhaoradh as do láimhſe?
16 Agus tárla mar do bhí ſé ag caint
ris, go ndubhairt an Rígh ris, A ndéar-
nadh comhairleach don rígh dhíotſa?
ſcoir, cred ſá mbuailfidh thú? annſin do
ſhcoir an ſaigh, agus a dubhairt ſé,
aithnighim gur chinn an Tighearna ar do
mhilleadh. do bhrígh go ndearna tú ſo,
agus nár éiſt tú rem chomhairleſi.
17 Annſin do rinne Amaſiah rígh
Júdah comhairle, agus do chuir ſé teachda
chum Joas mhac Jehoahas mhic Jehu
rígh Iſrael, dha rádh, Tárr, faiceam
gnúis a chéile.
18 Agus do chuir Joas rígh Iſrael
ſios go Hamaſiah rígh Júdah, gha
rádh, Do chuir an foghbhannán do bhí
a Lebanon teachta chum an cédair do
bhí a Lebanon, gha rádh, tabhair hin-
ghean dom mhac na mnaoi: & do ghabh
beathach allta do bhí a Lebanon thort,
& do ſhaltair ſé ſíos an foghbhannán.
19 A deir tuſa, féach do mharbh
tú na Hedomitigh, & do thóg do chroidhe
ſúas tú do mhaoidhfeachus: fan a nois an-
ſa bhaile, cred ſá mbeanfá red dhochar
féin, as a ttuitfeá, thú féin, agus Júdah
maille riot?
20 Acht níor bháill le Amaſiah ſin
do chluinſion: óir is ó Dhia do bhí
ſin, chor go ſeachéadadh ſé íad a láimh
a námhad, do bhrígh gur leanadar a
ndiáigh dhée E[illegible],
21 Ann ſin do chuáidh Joas rígh Iſrael
ſúas; agus do choncadar gnúis a chéile,
é féin agus Amaſiah rígh Júdah an Bet-
ſemes, noch is do Júdah.
22 Agus tugadh an chuid budh meaſa
do Júdah roimhe Iſrael, agus do theith
gach duine dhíobh da thigh.
23 Agus do ghabh Joas rígh Iſrael
Amaſiah rígh Júdah mac Joas mhic
Jehoahas a Mbet-ſemes, agus thug
go Hieruſalem é, agus do bhris ſé
ſíos balla Jeruſalem ó gheata Eph-
raim go geata an choirnéil, ceithre
chéud cubhad.
24 Agus rug ſé leis an tór agus an
tairgiod uile, agus na huile ſhoithi-
ghe fríth a ttigh Dé ag Obed-Edom,
agus ionnmhus thighe an rígh, agus
íar nglacadh braighde tairis, dfill ſé
go Samária.
25 Agus do mhair Amaſiah mhac
Joas rígh Júdah déis bháis Joas mhic
Jehoahas rígh Iſrael, cúig bhliadhna
déug.
26 Anois an chuid oile do ghníomh-
uibh Amaſiah ó thús go deireadh, féuch,
nach bhfuilid ſiad ſcríobhta a leabhair
Ríogh Júdah, agus Iſrael?
27 Anois déis na huaire ar fhill Ama-
ſiah ó leanmhuin an Tighearna, dfealla-
dar na aghaidh ann Jeruſalem, agus do
theith ſé go Lachis: acht do chuirea-
darſan daoine na dhiaigh go Lachis, a-
gus do mharbhadar annſin é.
28 Agus thugadar léo ar eachaibh
é, agus do adhlaiceadar é agá aithribh,
a ccathruigh Júdah.

CAIB. XXVI.

Uſſiah, ſona ag leanmhuin ceart. 16 Tré uabhar do fhás ſé lobhrach.

AN ſin do ghlacadar muintir Júdah
uile Uſſiah chuca, noch do bhí ſé
bliadhna déug daóis, agus do rinneadar
Rígh dhe a náit a athar Amaſiah.
2 Do chuir ſé Elot ſúas, agus thug ar
a hais do Júdah í, déis an Rígh do
chodladh agá aithribh.
3 Sé bliadhna déag daóis do bhí
Uſſiah an tan do thoſuigh ſe a righe,
agus do bhí na Rígh dha bhliadhuin déug
agus dá fhithchiod ann Jeruſalem: ainm
a mhathar mar an gcéadna Jecoliah ó
Jeruſalem.
4 Agus do rinne ſé an ní budh
ceart a radharc an Tighearna do réir
gach neithe dá ndéarnuidh a athair
Amaſiah.
5 Agus diarr ſé Día ré linn Shecha-
riah, agá raibh tuigſin a bhfiſibh Dé:
agus an feadh do lean ſé an Tighearna,
thug Día rath air.
6 Agus do chuáidh ſé amach agus
do choguidh ſé a naghaidh na Bhphi-
liſtineach, agus do bhris ſé ſíos balla
Ghát, agus balla Jabneh, agus balla
Aſdod, agus do rinne ſé caithreacha
timchioll Aſdod, agus a meaſc na
Bhphiliſtineach.
7 Agus do chuidigh Día leis a naghaidh
na Bhphiliſtineach agus a naghaidh na
Narabianach

Narábianach, noch dáitreibh an Gur-
baal, agus na Mehunimeach.
8 Agus thugadar na Hammonitigh
tiodhluice do Ussiah, agus do leathnuigh
a ainm amach go nuige dul a steach
na Hegipte; óir do neartuigh sé é féin
go hanmhór.
9 Tuilleamh oile, do chuir Ussiah
tuir súas ann Jerusálem ag geata an
choirnéil, agus ag geata an ghleanna,
agus ag filleadh an bhalla, agus do
dhaingnidh sé iad.
10 Mar an gcéadna do rinne sé
tuir annsa dithramh, agus do thochuil
sé mórán tobar: óir do bhí iomar-
cuidh áirnéise aige san tír iochdaruigh
aráon, agus annsna réitibh: luchd tighea-
duis mar an ccéadna, agus luchd déan-
ta fíneamhna annsna sléibhtibh, agus
ann Carmel: óir dob ionmhuin leis
tigheadhus.
11 Tuilleamh fós, do bhí ag Ussiah
slúagh dfearuibh cogaidh, do thiaghadh
amach do chogadh na mbuidhnibh, do
réir uibhre a ccuntáis re láimh Jeiel
an scribhneóir, agus Mhaasiah an túach-
tarán, faoi láimh Hananiah áon do chaip-
tinibh an Rígh.
12 Do bhí uibhir iomlán cheann na na-
ithreach na bhfear árrachta a ngaisgidh,
dhá mhíle agus sé chéad.
13 Agus do bhí slúagh faoi na láimh,
eadhon trí chéad míle, agus seacht míle,
agus cúig chéad, do rinne cogadh re
cumas mór, do chongnamh leis an rígh
a naghaidh na námhad.
14 Agus do ghléas Ussiah dhóibh ar
feadh an tslóigh, sciatha, agus gáethe
agus clogada, agus éidigh ochta, agus
boghadha, agus crannatádhbhuill do
chaitheamh cloch.
15 Agus do rinne sé ann Jerusalem ion-
strumeintigh do choncas lé daóinibh
glioca do bheith ar na toruibh, & air na
daingneachaibh do chaitheamh soighead
& chloch mór asta: & do leathnuigh a
ainm a nimchián, óir do cuidiughadh leis
go hiongantach nó go raibh sé láidir.
16 Acht a núair do bhí sé láidir
do bhí a chroidhe ar na thógbháil súas
chum a mhillte féin: óir do pheacuidh
sé a naghaidh an Tighearna a Dhía
féin, agus do chúaidh a steach a tteam-
pall an Tighearna do losgadh túise ar
altoir na túise:
17 Agus do chúaidh Asariah an sagart
a steach na dhiaigh, agus maille leis
ceithre fithchid sagart leis an TTighear-
na, do dhaoinibh beodha.
18 Agus do thoirmiosgadar Ussiah an
rígh, agus a dubhradar ris, ni bheanann
riotsa, a Ussiah, túis do losgadh don
Tighearna acht ris na Sagartaibh,
clann Aaron, noch atá ar na ccoisrea-
gadh do losgadh túise: imthigh amach
as an Tsanctóir, óir do chiontuigh
tú, agus ni bhiaidh sé na onóir dhuit
ón TTighearna Día.

19 Annsin do bhí fearg ar Us[siah, a-]
gus do bhí sensëir iona laimh do [los-]
gadh túise: agus a nam a fheirg [ris]
na Sagartuibh, tháinic an lobhra [a]
aghaidh a bhfiadhnuise na sagar[t a]
ttigh an Tighearna, ó tháobh altóir [na]
túise.
20 Agus dféuch Asariah an tárd-sa-
gart agus na Sagairt uile air, a-
feuch do bhí sé lubhrach iona éadan,
gus do thiománadar amach as sin é; [a-]
dheifrigh sé féin fós amach, do bhrígh
gur bhúail an Tighearna é.
21 Agus do bhí Ussiah an Rígh
lobhar go ló a bháis, agus dá[ith-]
na lobhar a ttigh ar leith, óir do [gea-]
radh amach as tigh an Tighearna é:
agus do bhí Jótam a mhac ós cio[nn]
tighe an Rígh, ag déanamh breitheam-
nuis air mhuintir na tíre.
22 Annois an chuid oile do ghníom-
uibh Ussiah ó thús go deireadh, do [scrí-]
obh Isaiah mhac Amos an faigh é.
23 Marsin do choduil Ussiah ar a [aith-]
ribh, agus do adhlaiceadar é a [bhfo-]
chair a aithreadh, annsa macha[ire ad-]
laicthe do bhean ris na Ríoghuibh, [óir]
a dubhradar, is lobhar é: agus do [rí-]
uidh Jótam a mhac iona áit.

CAIB XXVII.

A náit an rígh mbaith Jotam, 9 Do rígh-uidh Ahas a mhac.

DO bhí Jótam cúig bliadhna fichid
dáois a nuair do thosuigh sé rígh, a-
gus do bhi na Rígh sé bliadhna déag an
Jerusalem: do bé fós ainm a mhá[thar]
Jerussah inghean Shádoc.
2 Agus do rinne sé an ní fa ceart [a]
radharc an Tighearna, do réir gach [ní-]
the dá ndéarna Ussiah a athair; [gidh-]
sin, ní dheachuidh sé a steach go teampull
an Tighearna: achd do níadh an pobal
ní truáillligh go fóill.
3 Do chuir sé súas geata árd tighe an
Tíghearna, agus do chuir sé [...]
air bhallá Ophel.
4 Tuilleamh oile, do rinne sé c[a-]
threacha a sléibhtibh Júdah, agus do
rinne sé caisléin agus tuir annsna [co-]
ráoisibh.
5 Do throid sé fós re Rígh na Ham-
moníteach agus rug sé búaidh [...]
agus thug clann Ammon dó an bhliadhain
sin féin, cead tallann airgid, agus [...]
chruithneachda deich míle miosúr, [agus]
deich míle deórna. Díocadar clann Am-
mon a noirid sin ris, an dara bliadhain
fós agus an treas bliadhain.
6 Marsin do dhaingnigh Jótam é féin
do bhrigh gur ullmhuigh sé a shlighthe-
cha as coinne a Thighearna Día.
7 Anois an chuid oile do ghníomharthuibh
Jótam, agus a chogtha uile, agus a [...]
theacha, féuch ataid scriobhtha a leabhar
Ríogh Israel agus Júdah.
8 Do bhí sé cúig bhliadhna fichead
dáois a nuáir do thosuigh a ríghe,

agus do bhí na Rígh sé blíadhna déug an
Jerusalem.
9 Agus do coduil Iótam agá aith-
ribh, agus do adhlaiceadar é a ccathruigh
Dháibhi: agus do ríoghuidh Ahas a
mhac iona áit.

CAIB. XXVIII.

Do cuireadh iomdha aindeise ar an Rí ne-imhdhiaghe Ahas; 22 agus fa mó do mhéaduigh esan a chionta.

DO bhí Ahas fithche blíadhain dá-
ois a nuair do thosuigh a ríghe,
agus do bhí na Rígh sé bliadhna déag
an Jerusalem: achd ní dhearnuigh sé
an ní fa ceart a radharc an Tighearna,
cosmhail ré Dáibhi a athair.
2 Oir do shiubhail sé a slighthibh Rí-
ogh Israel, agus do rinne mar an ccéa-
dna íomháighe leaghtha do Bhaalim.
3 Tuilleamh oile, do rinne sé íodh-
bairt a ngleann mhic Hinnom, & do loisg
sé a chlann annsa teine, do réir ghráinea-
mhlachd na ngeinteadh, noch do theilg
an Tighearna amach roimhe chloinn Is-
rael.
4 Do rinne sé íodhbairt mar an ccéa-
dna agus do loisg sé túis annsna háitibh
árda, agus air na cnocaibh, agus faói
gach íonchrann glas.
5 Uime sin do sheachuid a Thighear-
na Dia é a láimh Rígh na Siria, agus
do bhúail sé é, agus rug móran díobh
leis a láimh, agus rug go Damascus íad:
tugadh fós a láimh Rígh Israel é, noch
do bhúail é lé hár mor.
6 Oir do mharbh Pecah mhac Rema-
liah ann Júdah céud & fithche míle a
naon ló, fir chródha uile, do bhrígh gur
thréigeadar an Tighearna Dia a naith-
readh.
7 Agus Sichri, duine cumhachtach do
Ephraim, do mharbh sé Maaseiah mac an
Rígh, agus Africam úachtarán an tighe,
agus Elcanah noch do bfoigsi don Rígh.
8 Agus rugadar clann Israel leó a láimh
dá ndearbhráithribh, dhá chéad míle bean,
mac agus inghean, agus rugadar mar an
ccéadna móran éadála úatha, agus ruga-
dar a néadáil go Samária.
9 Acht do bhí fáigh don Tighearna ann
sin, dar bhainm Oded: agus do chúaidh
sé amach a ccoinne an tslóigh tháinic go
Samária, & a dubhairt sé riú, féuchuidh, do
bhrígh go raibh an Tighearna Dia bhur
naithreadh feargach re Júdah, thug sé ion
bhur láimhse íad, & do mharbhabhair íad
a ndibhfheirg roithchíos súas go neamh.
10 Agus anois sé do chuireabhair ro-
mhuibh, clann Júdah agus Jerusalem do
choinnghbháil fúibh na bhfearuibh, & na
mnáibh dáora dháoibh féin: achd ané nach
bhfuil oruibhse, eadhon oruibhsi féin, pea-
caidh a naghaidh bhur Ttighearna Dé?
11 Anois éistigh ríomsa ar a nadhbhar-
sin, agus léigidh amach na braighde a
rís, noch do ghabhabhair a láimh da
bhur ndearbhráithribh: óir atá fearg fhí-
ochmhar Dé ribh.
12 Annsin do sheasadar súas cuid áirigh
do cheannuibh chloinne Ephraim, Asari-
ah mhac Johanan, Berechiah mhac Mes-
sillemot, agus Jehisciah mhac Sallum, a-
gus Amasa mhac Hadlai a naghaidh na
muintire tháinic ón chogadh.
13 Agus a dubhradar riú, ní thiubhar-
thaói na braighde a steach annso: óir
an tionad ar chiontuigheamairne a nagh-
aidh an Tighearna, is mían libhse tuil-
leamh do chur a ccionn ar bpeacadh &
ar saruighthe: óir is mór ar ccoir, & atá
fearg fhíochmhar a naghaidh Israel.
14 Marsin dfágbhadar na fir armtha
na braighde, agus a néadáil a bhfiadh-
nuise na bprionnsadh agus an chomh-
chruinnigh uile.
15 Agus déirgheadar súas na daoine
do goireadh as a nainm, agus do ghla-
cadar na braighde, agus do néadáil
do chuireadar éadach air a raibh lom-
nachd dhíobh, agus do éaduigheadar íad,
& thugadar bróga dhóibh, & thugadar
bíadh agus deoch dhóibh, agus dungadar
íad, agus do iomchradar an mhéid do bhí
lag aca air assaluibh, agus thugadar íad
go Jericho, cathair na ccrann pailme,
chum a ndearbhráithreach: annsin dfil-
leadar go Samaria.
16 Annsa namsin do chuir Ahas ath-
chuinge go Ríghthibh na Hassiria do
chungnamh ris.
17 Oir thangadar na Hédomitigh a
rís, agus do bhúaileadar Júdah, agus
rugadar braighde leó.
18 Dionnsuigheadar na Philistinigh mar
an gcéadna caithreacha na tíre íochda-
ruigh, agus an táobh theas do Júdah, &
do ghabhadar Bet-semes, agus Aialon,
agus Gederot, agus Socho gun a bhail-
tibh, agus Timnah gun a bhailtibh,
Gimso fós gun a bhailtibh: agus do
áitrebhadar annsin.
19 Oir do chuir an Tighearna Júdah
síos ar son Ahas rìgh Israel: óir do rinne
sé Júdah tárrnochd, agus do chiontuigh
sé a naghaidh an Tighearna go mor.
20 Agus tháinic Tilgat-pilneser rígh
na Hassiria chuige, agus do chuir ain-
deise air, agus níor neartuigh sé é.
21 Oir rug Ahas roinn as tigh an
Tighearna, agus as tigh an rígh, agus
ó na prionnsadhuibh, agus thug sé
do rígh na Hassiria sin: achd níor
chuidigh sé leis.
22 Agus a naimsir a aindesi do chion-
tuigheadh sé fós ní sa mhó a naghaidh an
Tighearna: an Ríghsi féin Ahas.
23 Oir díodhbuir sé do dhéeibh
Dhamascus, noch do bhúail é, agus a
dubhairt sé, do bhrígh gur chuidigh deé
Ríogh na Síria leó, uime sin do dhéan-
sa íodhbuirt dhóibh, chor go ttártho.
chuid mé: acht isiad do sgrios eision,
agus Israel uile.
24 Agus do chruinnigh Ahas a gcionn
a chéile soithighe thighe Dé uile, agus do
ghearr sé na mblodhuibh soithighe thighe

Narábianach, noch dáltreibh an Gurbaal, agus na Mehunimeach.

8 Agus thugadar na Hammonitigh tiodhluice do Uſſiah, agus do leathnuigh a ainm amach go nuige dul a ſteach na Hegipte; óir do neartuigh ſé é féin go hanmhór.

9 Tuilleamh oile, do chuir Uſſiah tuir ſúas ann Jeruſalem ag geata an choirnéil, agus ag geata an ghleanna, agus ag filleadh an bhalla, agus do dhaingnidh ſé iad.

10 Mar an gcéadna do rinne ſé tuir annſa dithramh, agus do thochuil ſé mórán tobar: óir do bhí iomarcuidh áirnéiſe aige ſan tír iochdaruigh aráon, agus annſna réitibh: luchd tigheaduis mar an ccéadna, agus luchd déanta fíneamhna annſna ſléibhtibh, agus ann Carmel: óir dob ionmhuin leis tigheadhus.

11 Tuilleamh fós, do bhí ag Uſſiah ſlúagh dfearuibh cogaidh, do thiaghadh amach do chogadh na mbuidhnibh, do réir uibhre a ccuntáis re láimh Jeiel an ſcribhneóir, agus Mhaaſiah an túachtarán, faoi láimh Hananiah áon do chaiptínibh an Rígh.

12 Do bhí uibhir iomlán cheann na naithreach na bhfear árrachta a ngaiſgidh, dhá mhíle agus ſé chéad.

13 Agus do bhí ſlúagh faoi na láimh, eadhon trí chéad míle, agus ſeacht míle, agus cúig chéad, do rinne cogadh re cumas mór, do chongnamh leis an rígh a naghaidh na námhad.

14 Agus do ghléas Uſſiah dhóibh ar feadh an tſlóigh, ſciatha, agus gáethe agus clogada, agus éidigh ochta, agus boghadha, agus crannatádhbhuill do chaitheamh cloch.

15 Agus do rinne ſé ann Jeruſalem ionſtrumeintigh do choncas lé daóinibh glioca do bheith ar na toruibh, & air na daingneachaibh do chaitheamh ſoighead & chloch mór aſta: & do leathnuigh a ainm a nimchián, óir do cuidiughadh leis go hiongantach nó go raibh ſé láidir.

bhliadhuin, do chuir an Rígh Nebuchad-
nessar teachta uadh, agus rug don Ba-
bilóin é maille re soighthighibh [illegible]
thighe an Tighearna, agus do rinne sé
Rígh do Shedeciah a dhearbhbhrathair [illegible]
cionn Iúdah agus Ierusalem.
11 Do bhí Sedeciah bliadhain agus
fithche dáois a nuair do thosuigh sé a
ríghe, agus do bhí na Rígh [illegible]
dhuin déug ann Ierusalem.
12 Agus do rinne sé an ní dob olc
a bhfiadhnuise a Thighearna Dé, agus
níor umhluigh sé é féin a lathair [illegible]
miah an faigh ag labhairt ó bhéul Dé.
13 Agus do rinne sé fós [illegible] a
naghaidh Nebuchadnessar, [illegible] do
bhean Día mar mhionnuibh [illegible]
do ríghnidh sesion a mhuineal, agus
chruadhuigh sé a chroidhe ó [illegible]
chum an Tighearna Día Israel.
14 Tuilleamh oile fós, do [illegible]
gheadar na hárdshagairt uile, agus an
pobal go romhór, do réir uile [illegible]
neamhiláchda na ngeintedh, agus do
thruailleadar tigh an Tighearna, [illegible]
do náomhuigh sé ann Ierusalem.
15 Agus do chuir an Tighearna Día [illegible]
naithreadh scéala chuca re na [illegible]
ighibh ag éirghe go moch, [illegible]
siubhal, do bhrígh go raibh truaighe [illegible]
ge dá dhaoinibh & dá áit chomhnuidhe.
16 Acht do [illegible]

theachtaibh Dé, agus do tharcuisnighea-
dar a bhriathra, agus do easonórui-
ghedar a fháighe, nó gur éirigh feárg
an tighearna re na phobal, ionnus nach
raibh a bhfoirithin ann.
17 Ar a nadhbharsin thug sé orra
Righ na Caldea, noch do mharbh a
ndaoine óga leis an ccloidheamh a ttigh
a fanctóra, agus ní raibh trúaighe aige
do dhaoine óg, nó do mhaighdin, d'fhor
fhoirfe, nó don tí do chrom le háois:
thug sé iona láimh uile íad.
18 Agus uile shoighthighe thighe an
Tighearna, mór agus beag, agus ionmhus
thighe an Tighearna, agus ionnmhus
an Righ, agus a phrionnsadha: rug sé
íadso uile don Bhabhilóin.
19 Agus do loísgeadar tigh Dé, agus
do bhriseadar fios balladha Ierusalem,
agus do loisgeadar a phaláis uile lé teine,
agus do mhilleadar a ráibh do shoithi-
ghibh maithe ann.
20 Agus an mhéid do imthigh ón
ccloidheamh rug sé leis íad don Bhabi-
lóin, mar a rabhadar na serbhíseachaibh
aigesion agus agá mhacaibh, go ríghe
Rígh na Persia:
21 Do choimhlíonadh bréithre an Ti-
ghearna a mbéul Jeremiah, nó go cco-
mhnuigheadh an tír ann Sáboidigh: oír
ar fad do bhí sí huaigneach, do choi-
mhéid sí Sábóid, do choimhlíonadh deich
mbliadhan agus trí fithchid.
22 Anois annsa chéaidbhliadhuin do
Chírus Rígh na Persia, (chor go
ccoimhlíontaoi briathar an Tighearna
do labhradh re béul Jeremiah) do
chorruigh an Tighearna súas spio-
rad Chirus Rígh na Persia, go ttug
fuagra uadh air feadh a ríoghachta,
agus do chuir sin a scríbhinn fós,
gha rádh,
23 Is marso a deir Círus Rígh na
Persia; thug an Tighearna Día nimhe
uile ríoghachta na talmhan damhsa,
agus do chuir do chúram orm tigh do
dhéanamh dhó ann Jerusalem, noch atá
ann Júdah, Cia tá bhur measc da dha-
oinibh uile? go raibh a Thighearna Día
maille ris, agus imthigheadh sé súas.

LEABHAR ESRA.

CAIB. I.

Do fuagair Chirus (ó bhbéul Dé) Teampull Jerusalem do thoghbhail.

ANois annsa chédbhlíadhain
do Chírus Rígh na Persia
(chor go ccoimhlíontaoi
bríathar an Tighearna le
béul Ieremiah) do chor-
ruigh an Tighearna súas
spiorad Chirus Righ na Persia, go ttug
fuagra ar feadh a ríoghachta, agus gur
chuir fós a scríbhinn é, gha rádh,
2 Is marso a deir Cirus Rígh na
Persia, Thug an Tighearna Día nimhe
dhamhsa uile ríoghachta na talmhan,
agus do chuir sé do chúram orm tigh do
dhéanamh dhó ann Jerusalem, noch
atá an Júdah.
3 Cia atá eadruibhse uile dá dhaói-
nibh? biodh a Dhía maille ris, agus
imthigheadh sé súas go Jerusalem, noch
atá ann Júdah, agus cuireadh sé súas tigh
an Tighearna Día Israel (isé sin an
Día) noch atá an Ierusalem.
4 Agus gidh bé ar bith chomhnui-
ghios a ngonbhall mar a bhfuil sé air
cuairt, tugaidís daoine na ccríochsin
cungnamh dhó a nairgiod agus a nór,
agus a maoin agus a nainmhintibh,
taobh amuigh do nofráil áontadhuigh
chum tighe Dé atá ann Ierusalem.
5 Annsin déirgheadar roighne aith-
readh Iúdah, agus Bhenjamin na seasamh,
agus na sagairt agus na Leibhitigh, mail-
le ris a nuile dhuine dar thóg Día a
spiorad do dhul súas do dhéanamh tighe
an Tighearna atá ann Ierusalem.
6 Agus an mhéid do bhí gacha táobha
dhíobh, thugadar cungnamh dhóibh do
shoithighibh, dairgiod, agus dór, agus do
mhaoin, agus dairnéis, agus do neithibh
mórlúaigh, táobh amuigh do nuile ní
dar tiodhlaiceadh go toileamhuil.
7 Mar an ccéadna thug Cirus an Rígh
amach soithighe thighe an Tighearna,
noch thug Nebuchadnessar amach as Ie-
rusalem, & do chuir sé a ttigh a dhé iad.
8 Iad sin féin thug Cirus Rígh na
Persia amach le láimh Mhitredat an
tresiner, agus do áirimh sé iad chum
Sesbassar prionnsa Iúdah.
9 Agus isí so a nuibhir: tríochad
mías óir, míle mías airgid, náoi sceana
fithchiod,
10 Tríochad báisín óir, báisínigh air-
gid don dara sórt ceithre chéud agus
a deich, agus do shoithighibh oile, míle.
11 Na soithighe uile dór agus dair-
giod bá cúig mhíle agus ceithre chéud
iad: thug Sesbassar iadso uile leis súas
maille ris na bráighdibh, noch ru-
gadh súas ón Bhabilon go Hierusalem.

CAIB. II.

Comh-Áirmh an phobáil, 36 tr na nSagart, do fúl 8 Dhaoirsine Bhabilon.

ANois isíad so clann na tíresin, do
chuaidh súas as an dáoirsine, don
luchd do rugadh innte, noch rug Ne-
buchadnessar Rígh na Babilóine leis
don Bhabilóin, agus tháinic a rís go
Hierusalem agus Iúdah, gach uile dhuine
dha chathruigh féin;
2 Noch tháinic le Serubbabel; Iesua,
Nehemiah, Saraiah, Reelaiah, Morde-
cai, Bilsan, Mispar, Bigbhai, Rehum
Baanah. Uibhir dhaoine phobuil Israel.
3 Clann Pharos, dha mhíle seacht-
mhoghad agus días.

4 Clann Shephatiah, trí chéad seacht-mhoghad agus dias.
5 Clann Arah, seacht ccéad seacht-mhoghad agus cúigear.
6 Clann Phahat-Moab, do shliochd Jessua agus Ioab, dhá mhíle ocht ccéad agus dá fhear déag.
7 Clann Elam, míle dhá chéad cáogad agus ceathrar.
8 Clann Shattu, naoi ccéad ceathra-chad agus cúigear.
9 Clann Shaccai, seacht ccéad agus trí fithchid.
10 Clann Bhani, sé chéad ceathrachad agus dias.
11 Clann Bhebai, sé chéad fithche agus triúr.
12 Clann Asgad, míle dhá chéad fi-thche agus dias.
13 Clann Adonicam, sé chéad trí fithchid agus seisior.
14 Clann Bhigbhai, dhá mhíle cáo-gad agus seisior.
15 Clann Adin, ceithre chéad, cáo-gad agus ceathrar.
16 Clann Ater ó Hesceiah, nóchad agus a hocht.
17 Clann Bhesai, trí chéad fithche agus triúr.
18 Clann Iórah, céad & dhá fhear dhéug.
19 Clann Hassum, dhá chéad agus triúr air fhithchit.
20 Clann Ghibbar, nóchad & cúigear.
21 Clann Bhet-lehem, céud agus triúr air fhithchit.
22 Clann Netophah, cáogad & seisear.
23 Fir Anotot, céad & a hocht fithchiot.
24 Clann Asmabhet, ceathrachad & dias.
25 Clann Chiriat-arim, Chephirah, agus Bheerot, seacht ccéad agus ceath-rachad agus triúr.
26 Clann Ramah agus Ghaba sé chéad agus a háon fithchiot.
27 Fir Mhichmas, céud agus dias air fhithchit.
28 Fir Bhet-el agus Ai, dhá chéud agus triúr air fhithchit.
29 Clann Nebo, cáogad agus días.
30 Clann Mhagbis, céad, cáogad agus seisear.
31 Clann an Elam oile, míle dhá chéud, cáogad, agus ceathrar.
32 Clann Harim, trí chéud & fithche.
33 Clann Lod, Hadid, agus Ono, seacht ccéad, fithche agus cúigear.
34 Clann Iericho, trí chéud ceath-rachad agus cúigear.
35 Clann Shenaah, trí mhíle sé chéad agus tríochad.
36 Na sagairt: clann Jedaiah do thigh Jessua, naói ccéad seachtmhoghad agus triúr.
37 Clann Immer, míle cáogad a-gus días.
38 Clann Phassur, míle dhá chéad ceathrachad agus móirsheisear.
39 Clann Harim, míle agus seacht bhfir dhéag.
40 Na Lebhitigh: clann Iessua, agus Chadmiel, do chloinn Hodabhiah, seacht-mhoghad agus ceathrar.
41 An lucht ceóil: clann Asaph, céad agus ochtar air fhithchit.
42 Clann na ndoirseóirighe, clann Shallum, clann Ater, clann Thalmon, clann Accub, clann Hatita, clann Shobai, iad uile céad agus naonmhar a-thriochad.
43 Na Netinimigh: clann Hasupha, clann Thabbaot,
44 Clann Cheros, clann Shiaha, clann Phadon.
45 Clann Lebanah, clann Hagabah, clann Accub,
46 Clann Hagab, clann Shalmai, clann Hanan,
47 Clann Ghiddel, clann Ghahar, clann Reaiah,
48 Clann Resin, clann Necoda, clann Ghassam.
49 Clann Ussa, clann Phaseah, clann Bhesai,
50 Clann Asnah, clann Mehunim, clann Nephusim,
51 Clann Bhacbuc, clann Hacupha, clann Harhur,
52 Clann Bhaslut, clann Mehida, clann Harsa.
53 Clann Bharcos, clann Sisera, clann Thamah,
54 Clann Nesiah, clann Hatipha.
55 Clann sherbhíseach Sholaimh: clann Shotai, clann Shopheret, clann Pheruda,
56 Clann Iaalah, clann Darcon, clann Ghiddel,
57 Clann Shephatiah, clann Hatil, clann Phoheret ó Shebaim, clann Ami.
58 Na Netinimigh uile, agus clann sherbhíseach Sholaimh, do bhádar trí chéad nóchad agus días.
59 Agus isiad so do chuaidh suas ó Thel-melah, Thel-harsa, Cherub, Ad-dan, agus Immer: acht níor fhéadadar tigh a nathar dinnsin, agus a sinsear-lach, nar do Israel iad.
60 Clann Delaiah, clann Thobiah, clann Necoda, sé chéad, cáogad & dias.
61 Agus do chlannuibh na sagart; clann Habaiah, clann Chos, clann Bhar-sillai [noch thug bean do chloinn Bhar-sillai an Gileaditeach, agus do hainmnigh é do réir a nanma.]
62 Diarradar so a seanchus a measc cháich do háirmheadh le na ngineal-ach, acht níor frith ann iad: uime sin do cuireadh ó shagartachd iad mar dhao-nibh trúaillighe.
63 Agus a dubhairt fear ionaid an Righ riu, nach iosaidis do na neithibh ronáomhtha, nó go mbiadh aca sagart le Húrim, agus le Tummim.
64 Do bhádar an comhchruinniughadh uile a néinfheachd ceathrachad ar dhá mhíle trí chéud agus trí fithchid,
65 Taobh amuigh dá serbhíseachaibh, agus dá ccailínibh, noch da rabhadar seacht míle, trí chéud tríochad agus a seacht;

a ſeachd: agus do bhí na measc dhá
chéad dfearuibh & do mhnáibh ceóil.
66 A neich, do bá ſeachd ccéad, tríochad,
agus a ſé iad: dhá chéad ceathrachad,
agus a cúig, a múillidhe:
67 A ccámhuill, ceithre chéud tríochad
agus a cúig: a naſſail, ſé mhile
ſeacht ccéad agus fichche.
68 Agus an tan thangadar cuid do
na príomhaithribh go tigh an Tighearna,
noch atá ann Jeruſalem, ag ofráil go toileamhuil
chum tighe Dé do chur ſúas
iona áit féin:
69 Thugadar go hionnmhus na hoibre
do réir a nacfuinne, trí fithchid & éainmhile
dramma óir, & cúig mhíle punta
airgid, & céud culaidh Shagairt.
70 Marſin do áitigheadar na ſagairt
agus na Lebhítigh, agus cuid don phobal,
agus na fir cheóil, agus na doirſeóirigh,
& na Netinimigh iona ccaithreachaibh,
agus Iſrael uile iona ccaithreachaibh.

C A I B. III.

Céran an phobail a nſerbhiſe Dé do chur ſúas.

AGus a nuair tháinic an ſeachtmhadh
mí, agus do bhádar clann Iſrael
annſa caithreachaibh, do chruinnigheadar
an pobal iad féin a gcionn a chéile
amhuil aonduine go Hierusalem.
2 Annſin déirigh Jeſſua mhac Joſadac,
agus a dhearbhráithre na ſagairt, agus
Serubbabel mhac Sealtiel, agus a dhearbhráithre,
agus do chuireadar ſúas altóir
Dé Iſrael, dofráil íodhbartha loiſge uirre,
mar atá ſcríobhtha a ndligheadh Mhaoiſe
óglaich Dé.
3 Agus do ſhuigheadar a naltóir air
a ſuileanguibh (óir do bhí eaglá orra do
bhrígh dhaóine na ccríoch ſin) agus
dofráladar íodhbartha loiſge uirre don
Tighearna, eadhon ofrála loiſge maidne
agus tráthanóna.
4 Do chumhduigheadar mar an ccéadna
féuſta na ttabernaclach, mar atá
ſcríobhtha, agus dofráladar na híodhbartha
láetheamhla maille re na nuibhir,
do réir an ghnátha, mar díarr oifig
gach íonlaé.
5 Agus na dhiaighſin dofráladar
a híodhbuirt ghnáthach loiſge, na ngealach
níadh fós, agus na nuile fhéuſtadh
cinnte an Tighearna, noch do coiſreagadh,
agus ó gach áon dar ofráil
go toileamhuil íodhbuirt áontuigheach
don Thighearna.
6 On ccéad lá don tſeachdmhadh mí do
thoſuigheadar ofrála loiſge don Tighearna.
7 Thugadar fós airgiod do na ſaoruibh
cloiche agus croinnih, & bíadh, & deoch,
& ola do mhuintir Shídon agus Tíor, do
thabhairt crann Sédair ó Lebanon go
fairge Joppa: do réir an cheada ſúaradar
ó Chirus Rígh na Perſia.
8 Anois annſa dara blíadhain, ar
tteacht dóibh go tigh Dé ann Jeruſalem:
air an dara mí do toſuigh Serubbabel
mhac Sealtiel, agus Jeſſua mhac
Joſadac, agus ar mhair dá ndearbhbráithribh
na ſagairt, agus na Lebítigh, agus
a nuile dhuine dá ttáinic as a ndaoirſine
go Hieruſalem, agus dórduigheadar
na Lebhitigh ó fithchid bliadhain
daóis, agus ós a chionn, do chur oibre
thighe an Tighearna ar a haghaidh.
9 Annſin do ſheas Jeſſua ſúas gon
a mhacaibh, agus gon a dhearbhráithribh,
Cadmiel agus a mhic, mic Júdah, a bhfochair
a chéile do bhroſtughadh an luchda
oibre a ttigh Dé: mic Henadad gon
a macaibh, agus gon a ndearbhráithribh
na Lebhitigh.
10 Agus a nuáir do ſhuigheadar na
ſaóir bunáit theampuil an Tighearna, do
chuireadar na ſagairt iona cculadhuibh
maille re ſtocuibh, agus na Lebhitigh
mic Aſaph maille re Cimbaluibh, do
mholadh an Tighearna do réir órduigh
Dháibhi Rígh Iſrael.
11 Agus do chanadar le chéile fa
ſeach, ag moladh agus ag tabhairt
buidheachuis don Tighearna; do bhrígh
go bhfuil ſé maith, & go mairionn a thrócaire
Diſrael go bráth: & do ghaireadar
an pobal uile lé gáir mhóir a nuáir do
mholadar an Tighearna, do bhrígh gur
ſhuigheadar bunáit thighe an Tighearna.
12 Acht do ghuileadar ós árd mórán
do na ſagartuibh, agus do na
Lebhítibh, agus togha na naithreadh, do
bhí na ndaoinibh áoſta, noch do chonnairc
an chédthigh; a nuair do ſuigheadh
bunáit an tighe as coinne a ſúl, do ghuileadar
ós áird, agus do gháir mórán lé
luathghair.
13 Joanus nar thuigeadar an pobal
fuáim gáire na luathgháire tár fhuáim
ghola an phobail: óir do gháireadar na
daóine do ghuth árd, agus do clos a
ngáir a nimchian.

C A I B. IV.

Do chuireadar coſc ar thogbhala an Teampuill.

ANois a nuair do chúaladar eaſccáirde
Júdah agus Bhenjamin, go
rabhadar clann na ndaóirſineach ag
cur teampuill ſúas don Tighearna Día
Iſrael:
2 Ann ſin thangadar go Serubbabel,
agus go togha na naithreadh, agus a dubhradar
ríu, Léigidh dhúinne congnamh
ribh, óir iarramaoid bhur Ndía mar
íarrthaóiſe; agus do nímid íodhbuirt dó,
ó aimſir Eſarhaddon Rígh Aſſur, noch
thug annſo a níos ſinn.
3 Acht a dubhairt Serubbabel, agus
Jeſſua, agus an chuid oile do
thogha aithreadh Iſrael ríu, Ni bhfuil
buáin aguibh rinne, as a ndéanadh ſinn
tigh dar Ndía, acht ſinn féin le chéile
do dhéanam é don Tighearna Día Iſrael,
mar do ſhuagair Círus Rígh na Perſia
dhuinn,
4 Annſin do laguigheadar muintir

na tíre lámha phobail Júdah, agus do
thoirmiosgadar iad iona nobair.
5 Agus do fhostóigheadar comhair-
ligh na naghaidh, do bhacadh a ttionn-
scanta ar feadh fhaoghail Chirus rígh na
Persia, nó go ttáinic Dárius rígh na Per-
sia a ríghe.
6 Agus a ríghe Ahasuerus, a ttosach
a ríghe do scríobhadar casaóid chuige
a naghaidh mhuintire Júdah agus Jeru-
salem.
7 Agus a naimsir Artaxerxes do scrí-
obh Bislam, Mitridat, Tabeel, agus an
chuid oile dá ccumpánachaibh go Har-
taxerxes Rígh na Persia: agus annsa
teanguidh Shírianuigh [do bhí] scríbhinn
na litre scríobhtha, agus do míniughadh
annsa teanguidh Shírianuigh í.
8 Do scríobh Rehum an Saimhseler,
agus Simsai an scribhneóir litir a nagh-
aidh Jerusalem, go Hartaxerxes an Rígh,
ar an modhsa:
9 Annsin do scríobh Rehum an saimh-
seler, agus Simsai an scribhneóir, agus an
chuid oile dá ccompanachaibh na Dinai-
tigh, agus na Hapharsatchitigh, na Tar-
pelitigh, na Hapharsitigh, na Harchebhi-
tigh, na Babilónianuigh, na Susan-
chitigh, na Dehabhitigh, agus na He-
lamitigh,
10 Agus an chuid oile do na cineadh-
achaibh, noch thug Asnappar mór úasal
a nall, agus do shuighidh a ccaithrea-
chaibh Shamaria, agus an chuid oile
atá don taoibhsi do nabhuinn, agus io-
na leitheidso daimsir.
11 Si so cóib na litreach do chuirea-
dar chuige, eadhon go Hartaxerxes an
Rígh: Do sherbhíségh don taoibhso don
nabhuinn, agus iona leitheidso daimsir.
12 Bíodh a fhios ag an Rígh, na Jú-
duighe tháinic uaitsi a níos chuguinne, go
ttangadar go Hierusalem, ag cur súas
na drochchaithreach easurrumaigh, a-
gus gur chuireadar a balladha súas,
agus gur cheangladar dhá chéile a bun-
áite.
13 Bíodh a fhios a nois ag an Rígh,
má cuirthear an chathairsi súas, agus na
balladha do chur súas a rís, annsin
nach díolfuid siad cáin, cíos nó cus-
tum: marsin laighdeochus tusa cíos na
Ríogh.
14 Anois do bhrígh go bhfuil túarusdal
aguinne as palás an Rígh, agus nar
bhiomchubhuidh dhúinn easonóir an Rígh
dfaicsin: uimesin do chuireamar uainn,
agus do dhemhnigheamar so don Rígh.
15 Ionnus go ndéantaói cúartughadh
a leabhar cuimhnightheach haithreadh:
marsin do gheabha tú a leabhar na cui-
mhne, agus aitheonus tú gur cathair ceann-
airceach an chathairsi, agus díoghbha-
lach do Ríghthibh, agus do thíorthaibh,
& gur thógbhadar ceannairc a stigh inn-
te san tseanaimsir: arlon na cúise sin
do scriosadh an chathairsi.
16 Dearbhamaoid don Rígh, má cuir-
thear an chathairsi súas a rís, agus
balladha do chur súas, dá bhrígh [illegible]
nach biáidh cuid agad don taoibh [illegible]
nabhuinn.
17 Do chuir an Rígh freagra go Re-
hum an Saimhseler, agus go Simsai [illegible]
scribhneóir, agus gus an cuid oile dá
ccompanachaibh áitreabhus a Samaria,
agus chum na coda oile taobh thall [illegible]
nabhuinn, Síothcháin, agus iona [illegible]
sin daimsir.
18 An litir do chuireabhair chugam
do léigheadh go soilléir am lathair.
19 Agus dfúagair misi, agus do [illegible]
eadh spíonadh, agus do frith go [illegible]
nuidh an chathairsi imreasan a na[illegible]
Ríogh annsa tseanaimsir, agus go [illegible]
nadh cogadh agus buaidhreadh inn[illegible]
20 Do bhádar Ríghthe cumhachta[illegible]
mar an ccéadna ós cionn Israel, [illegible]
do ríaghluidh ós cionn a niomlán [illegible]
obh thall dabhuinn, agus do [illegible]
cíos, cáin, agus custhum ríu.
21 Tugaidhsi a nois fúagra [illegible]
thabhairt ar an muintirsi coisc, [illegible]
an chathairsi do chur súas [illegible]
thar aithne uaimsi.
22 Tugaidh dá bhur naire [illegible]
faillighe ris so do dhéanamh: [illegible]
a bhfásfadh díoghbhail do [illegible]
dochair do na Ríghthibh?
23 A nois an tan do léigheadh [illegible]
litreach Artaxerxes a bhfiadhnuise Re-
hum, agus Shimsai an scríbhneóir, [illegible]
ccompánach, do chuadar [illegible]
reach go Hierusalem chum na [illegible]
eadh, agus thugadar orra [illegible]
agus lé comhachdaibh.
24 Annsin do choisc obair [illegible]
noch atá ann Jerúsalem: [illegible]
gus an dára bliadhain do ríghe [illegible]
Rígh na Persia.

CAIB. V.

Tré thairghir na bfáigh, do [illegible] um thigh Dé, do chur súas.

ANnsin do thairrghireadar [illegible]
Haggai an fáigh, agus [illegible]
mhac Iddo, do na Júduighibh [illegible]
ann Júdah, agus ann Jerusalem, [illegible]
Dé Israel, dóibhsion féin.
2 Ann sin déirigh [illegible]
Sealtiel, agus Jeshua mhac [illegible]
as, águs do thionnscnadar [illegible] Dé
chur súas noch atá ann Jerusalem,
agus fáighe Dé maille ríu ag [illegible]
dhóibh.
3 Fá naimsin féin tháinic [illegible]
ca uachdarán na taoibhesi a [illegible]
nabhuinn, agus Setar-boznai, [illegible]
ccompanuigh, agus a dubhradar [illegible]
ríu, Cia daithin dhóibh [illegible]
do chur súas, agus an ballasa [illegible]
namh?
4 Annsin a dubhramairne [illegible]
modhso, cá hainm an [illegible]
a nobairsi?

5 [illegible]

5 Acht do bhí súil a Ndé ar fhean-
óiribh na Niuduigheadh, go nar fhéa-
dadar tabhairt orra scur, nó go ttái-
nic an cháis go Dárius: agus annsin
do fhilleadar freagra le litir a ttáobh na
cúise si.
6 Cóib na litreach do chuir Tatnai
rioghlaitheóir don taóibhse do nabhuinn,
agus Setar-bosnai, agus a chompanuigh
na Hapharsachitigh, noch do bhí ar an
ttaóibhsi do nabhuinn, go Dárius an Rígh.
7 Do chuireadar litir chuige iona
raibh scríobhtha marso: Go Dárius an
Rígh, a nuile shíothcháin.
8 Bíodh a fhios ag an Rígh go ndea-
chamairne go cúigeadh Judéah, go
tigh an Dé mhóir, noch do rinneadh le
clochaibh móra, agus do leagadh adh-
mad ar na balladhuibh, agus atá a nob-
airsi ag dul ar a haghaidh go lúath, agus
atá si ag éirghe léo.
9 Ann sin dfiafruigheamairne do na
sean óiribh sin, agus a dubhramar ríu mar-
so, Cía daithin díbhsi an tigh se do
dhéanamh, & na balladhaso do chur súas?
10 Dfiafruigheamar a nanmanna mar
an ccéadna da ninnisin dúitse, go scrí-
obhthamóis anmanna na ndáoine do
bhéarr dhíobh.
11 Agus is marso do fhreagradar sinn,
gha rádh, Is sinne serbhísigh Dé nimhe
agus talmhan, agus atámuid ag cur
súas an tighe do rinneadh mórán blia-
dhan ó shin, noch do rinne Rígh mór
Disrael, agus do chuir súas é.
12 Acht tar éis ar naithreadh do
bhrosughadh Dé neimhe chum feirge,
thug sé a láimh Nebuchadnesar Rígh na
Babilóine an Caldéanach íad, noch do
scrios an tighse, agus rug na daóine leis
don Bhabilóin.
13 Acht annsa chéidbhliadhuin do
Chírus Rígh na Babilóine, thug an Rígh
céadna sin Círus súagra, an tighse Dé
do dhéanamh.
14 Agus mar an ccéadna soithighe
óir agus airgid thighe Dé, noch rug
Nebuchadneser as an tteampall do
bhí ann Ierusalem, agus rug íad go
teampall na Baibilóine, thug Cirus an
Rígh íad sin amach as teampall na Ba-
bilóine, agus tugadh dáon íad dar
bhainm Sesbassar, dá ndéarna seision
úachdarán.
15 Agus a dubhairt sé ris, glac na
soithighe, imthigh, beir leachd íad gus
an teampall atá ann Ierusalem, agus
cuirthear tigh Dé súas iona áit féin.
16 Annsin tháinic an Sesbassar sin,
& do shaighidh bunáit thighe Dé, noch
atá ann Ierusalem: agus ó namsin go
nuige a nuairsi atá sé agá chur súas, agus
ni bhfuil sé críochnuighthe fós.
17 A nois ar a nadhbharsin mas
toil leis an Rígh é, déantar cúartu-
ghadh a ttigh ionnmhuis an Rígh, noch a-
tá annsin san Bhabilóin, dá fhéuchuin
an marsin atá, go ttug an Rígh Círus
súagra an tighse Dé do dhéanamh ann Je-
rusalem; & cuireadh an Rígh a thoil
chuguinne a ttaobh na cúise si.

CAIB. VI.

Trè órdughadh Dhárius do chuireadh an Teampull súas, 16 & do coisriogadh í.

ANnsin do rinne Dárius an Rígh ór-
dughadh, agus do rinneadh spío-
nadh a ttigh na rolladh, mar ar cuireadh
na hionnmhuis a ttaisgidh san Bha-
bilóin.
2 Agus do fríth ann Achmeta ann-
sa bpálás atá a bprobhins na Mé-
des, rolla, agus cuimhne scríobhtha ann
marso.
3 Annsa chéidbhliadhuin do Chírus
an Rígh, do rinne an Rígh Cirus céad-
nasin órdughadh a ttaobh thighe Dé ann
Jerusalem: Cuirthear an tigh sin súas
a náit a ndéaindis íodhbuirt, agus cur-
thar síos a bhunáit go láidir: trí fithchid
cubhad na áirde, agus trí fithchid cu-
bhad na leithead:
4 Maille re trí líne do chlochuibh
móra, agus líne do adhmad núadh, a-
gus tugthar a ccaithfighthér leis, as tigh
an Rígh.
5 Agus mar an ccéadna na soithighe
óir agus airgid thighe Dé, noch thug
Nebuchadnessar ás an tteampall atá
ann Jerusalem, agus thug leis don Bha-
bilóin, aisigthear íad, agus beirthear a
rís íad don teampall atá ann Ierusalem,
gach aóinní iona áit féin, agus suighidh
íad a ttigh Dé.
6 Anois ar a nadhbharsin, a That-
nai a úachdaráin taobh thall dabhuinn,
a Shetar-bosnai, agus do chompanuigh
na Hapharsachitigh, noch atá táobh
thall dabhuinn, go madh fada sibhsi ó
bhuain annso.
7 Léigidh uáibh do nobairsi thighe Dé;
cuireadh úachdarán na Niúduigheadh &
sinnsir na Niúduigheadh tigh Dé súas
iona áit féin.
8 Tuilleamh oile, orduighim an ní do
dhéantaoi re sinnsearuibh na Niúdui-
gheadh do chur súas an tighesi Dé: go
ttugthar go lúath do mhaóin an Rígh,
eadhon don chíos taobh thall dabhuinn,
ní re chaitheamh ris na daóinibhsin, chor
nachtt oirmioscthar íad.
9 Agus gach ní da mbía deasbhuidh
orra, araon do bhulógaibh óga, do reithi-
ghibh, agus dáamuibh, chum osráilach lo-
isge Dé neimhe, & cruithneachd, salann,
fíon, agus ola do réir órdaigh na sagart
atá ann Jerusalem, tugthar dhóibh é, lá
air lá gan fhaillighe.
10 Chor go nosráilfid íodhbairt deagh-
bholuidheach do Dhía neimhe, agus go
nguidhfid ar son sláinte an Rígh agus a
mhac.
11 Mar an gcéadna do rinne mé
órdughadh gidh bé ar bith athrochus an
focalsa, beantar adhmad ó na thigh,

agus ar na chur ſuas crochtar éiſion as,
agus déantar cárnaóiligh dha thigh ar a
ſhonſo.

12 Agus go ſcrioſuigh an Día thug fa
deara a ainm dáitiughadh annſin, na
huile Righthe agus phobal chuirſios a
a lámh dátharradh, agus do mhilleadh
an tigheſi Dé atá ann Jeruſalem: miſi
Dárius do rinne an tordughadhſa, coimh-
líontar é go luáth.

13 Annſin do rinne Tatnai úachtarán
an taóibhſi do nabhuinn, Setarboſnai, &
a ccompanuigh, do réir mar do chuir
Dárius an Rígh chuca, do rinneadar
amhluidh go lúath.

14 Agus do chuireadar ſinnſir na
Niuduigheadh an tigh ſúas, agus do
chúadar ar a naghaidh do bhrígh thair-
ghire Haggai an ſáigh, agus Shechariah
mhic Iddo; agus do chuireadar ſúas,
& do chríochnuigheadar é do reir aithne
Dé Iſrael, agus do réir aithne Chirus,
agus Dhárius, agus Artaxerxes Rígh na
Perſia.

15 Agus do críochnuigheadh an tighſe
ar an treas lá don mhí Adar, noch do
bhí annſa ſeiſeadh blíadhain do ríghe
Dhárius an Rígh.

16 Agus do congmhadar clann Iſrael,
agus na ſagairt, agus na Lebhitigh, agus
an chuid oile do chloinn na daóirſine
ſollamain choiſrighthe an tigheſi Dé
maille re gáirdeachus;

17 Agus dofráladar ag ſollamuin
choiſrighthe an tigheſi Dé, céud bulóg,
dhá chéad reithe, ceithre chéad lubhán;
agus mar ofráil pheacuidh ar ſon Iſrael
uile, dhá ghabhar dhéag fhirionna, do
réir uibhre threabh Iſrael.

18 Agus do ſhuigheadar na ſagairt
iona ronnuibh, agus na Lebhitigh iona
ſealaibh chum ſerbhiſi Dé, noch atá ann
Jeruſalem, mar atá ſcríobhtha a leabhar
Mhaóiſe.

19 Agus do choimhéadadar clann na
daóirſine an Cháiſg ar an cceathramhadh
lá déug don chéidmhí.

20 Oír do bhádar na ſagairt, agus na
Lebhítigh ar na nglanadh a naóinſeachd,
do bhádar glan uile, agus do mharbha-
dar an Cháiſg do chloinn na daóirſine
uile, agus dá ndearbhráithribh na ſa-
gairt, agus dóibh féin.

21 Agus a dúadar clann Iſrael
an Cháiſg, noch thainic a rís as an
ndaoirſine, agus a nuile dhuine dar
dhealuigh iad féin chuca ó ſhalchar
ghenteadh na tíre, díarruidh an Ti-
ghearna Dia Iſrael.

22 Agus do chungmhadar ſeuſta
a narain gan loibhin ſeacht lá maille re
gáirdeachus; óir do rinne an Tighear-
na ſólaſach íad, agus do iompóigh ſé
croidhe Rígh na Haſſiria léo, do neart-
ughadh a lámh do dhéanamh thighe Dé,
Día Iſrael.

CAIB. VII.

Thainic Eſra go Hieruſalem, 11 le [illegible] reachd Artaxerxes.

ANois tar éis na neithionnſo, a[illegible]
Artaxerxes Rígh na Perſia, [illegible]
mhac Serajah, mhic Aſariah, [illegible]
Hilciah.

2 Mhic Sallum, mhic Sádoc, [illegible]
Abitub,

3 Mhic Amariah, mhic Aſariah, [illegible]
Meralot.

4 Mhic Serajah, mhic Uſi, [illegible]
Bucci.

5 Mhic Abiſua, mhic Phinehas, [illegible]
Eleáſar, mhic Aáron an tárdſhagart.

6 Do chuáidh an Teſra ſo [illegible]
ón Bhabilóin, agus do bhí ſé [illegible]
bhneóir abuidh a ndligheadh [illegible]
noch thug an Tighearna Día [illegible]
úadha: agus daontuigh an Rígh a [illegible]
ratas uile dhó, do réir láimhe a Thigh-
earna Dé air.

7 Agus do chuaidh ſuas [illegible]
chloinn Iſrael, agus do na ſagartaibh
agus do na Lebhitibh, agus do na can-
taireadhuibh, agus do na doirſeóiribh,
agus do na Netinimigh, go Hierusalem, a[illegible]
an ſeachdmhadh blíadhain do Arta-
erxes an Rígh.

8 Agus tháinic ſé go Hierusalem a[illegible]
ccúigeadh mí, noch do bhí [illegible]
madh bliadhain don Rígh.

9 Oír ar an ccéad lá don chéd mí,
do thionnſcuin ſé dul ón Bhabilóin ſuas,
agus ar an ccéad lá don chúigeadh [illegible]
tháinic ſé go Hieruſalem, do réir mar do
bhí lálmh mhaith Dé air.

10 Oír dullmhuigh Eſra a chroidhe
díarruidh dlighe an Tighearna, & a
dhéanamh, & do theagaſc reachda [illegible]
breitheamhnus ann Iſrael.

11 Anois iſi ſo cóib na litreach, [illegible]
thug Artaxerxes an Rígh do Eſra [illegible]
ſagart, an ſcribhneóir, eadhon ſcribh-
neóir bhríathar aitheantadh an Tighear-
na, agus reachda Iſrael.

12 Artaxerxes Rígh na Ríogh, chum
Eſra an ſagart, ſcribhneóir dhlighe Dé
neimhe, ſíothcháin iomlán, agus [illegible]
namſin.

13 Do ním ordughadh, an mhéid do
phobal Iſrael, agus dá ſagartaibh,
agus dá Lebhítibh ann mo ríoghachd,
ar a bhfuil fonn da ttoil [illegible]
dul ſúas go Hieruſalem, go [illegible]
ſuas leatſa.

14 An mhéid gur cuireadh ón Rígh
thû, agus ó na ſheacht ccomhairle-
chaibh, do cheaſtnughadh a ttiobh [illegible]
agus Jeruſalem, do réir dhlighe do Dhé
noch atá ad láimhſi.

15 Agus an tairgiod, agus an tór do
bhreith leachd, dofráil an Rígh, [illegible]
a chomhairligh ó thoil aontadhach do
Dhia Iſrael, noch a bhfuil a chomh-
nuidhe ann Jeruſalem.

16 Agus a nuile airgiod, [illegible]
ór is féidir leachd dfaghail a [illegible]

na Babilóine re ofráil áontadhuidh an
phobail, agus na sagart, ag ofráil go
toileamhuil chum tighe a Ndé, noch atá
ann Jerusalem.
17 Chor go cceinneochthá go lúath
leis a nairgiodsa, bulóga, reitheadha, uáin
maille re na nofrála bidh, agus a
nofrála dighe, agus iodhbuir íad ar
altóir do Thighearna Dé, noch atá ann
Ierusalem.
18 Agus gidh bé ar bith ni as féarr
do chífidhthear dhuit féin, & dot dhear-
bhraithribh, déanuidh ris an ccuid oile
do nairgiod agus do nór, déanuidh sin
do réir thoile bhur Ndé.
19 Na soithighe fós tugadh dhuit chum
seirbhíse thighe do Dhé, seachuid íad a
lathair Dé Ierusalem.
20 Agus gidh bé ní oile bhías deas-
bhuidh ar thigh do Dhé, da mbía cúis
agad a chaitheamh, caith é as tigh
ionmhuis an Rígh.
21 Agus misi, misi féin Artaxerxes
an Rígh, do nim órdughadh ar a nuile
threisinér táobh thall dabhuinn, gidh bé
ar bith iarrfus Esra an sagart scribhneóir
dhlighe Dé neimhe, oruibh, déantar é
go lúath;
22 Go céad tallann airgid, agus go
céad miosúr cruithneachda, agus céad
soitheach fiona, & céud soitheach ola, &
salann gan cur sios ca mhéid,
23 Gidh bé ni do haithnigheadh lé
Día neimhe, déantar go dúthrachtach é
do thigh Dé neimhe; óir cred as a
mbíach fearg a naghaidh ríoghachta an
Rígh, nó a chloinne?
24 Mar an ccéadna demhnigheamid
dhóibhse a ttáobh éanduine do na sa-
gartaibh, agus do na Lebhitibh, do na
cantairighibh, do na doirseóirighibh, do
na Netinimigh, nó seirbhisigh thighe Dé,
nach budh dlightheach cáin, duibhchíos
nó custum do chur orra.
25 Agus thúsa, Esra, do réir ghli-
ocuis do Dhé, noch atá ad láimhsi,
cuir úachtaráin, agus breitheamhuin,
noch dhéanas breitheamhnus do nuile
phobal atá taobh thall do nabhuinn, an
mhéid agá bhfuil fios dlighe do Dhése, &
múinsi an mhéid dá nach fios é.
26 Agus gidh bé nach déana do réir
dhlighe do Dhése agus an Rígh, déan-
tar breitheamhnus ar báll air, mas bás é,
nó díbirt, nó caill a mhaóine, nó pri-
osúntachd.
27 Go madh beannuigh an Tighearna
Día ar naithreadh, do chuir a leithéid so
a ccroidhe an Rígh do sciamhadh thighe
an Tighearna, noch atá ann Jerusalem:
28 Agus do thoirbhir trócaire
dhamhsa a bhfiadhnuisi an Rígh, agus a
chomhairleach, agus a lathair uile phri-
onnsadh cumhachdach an Rígh: agus
do neartuigheadh misi mar do bhí lámh
mo Thighearna Día orum; agus do
chruinnigh mé as Israel daóine toghtha
do dhul súas liom.

CAIB. VIII.

Comh-chuideachd Esra, 24 ar na Tiodhluice tugadar léo.

Isiad so a nois roighne a naithreadh,
agus sé so genealach na druinge
do chuaidh liomsa súas ón Bhabilóin, á
ríghe Artaxerxes an Rígh.
2 Do mhacaibh Phineas; Gersom:
do mhacaibh Itamar; Daniel: do mha-
caibh Dáibhi: Hattus.
3 Do mhacaibh Shechaniah, do mha-
caibh Pharos; Sechariah: agus do
háirmheadh maille ris don ghenealach
sheardha, céad agus cáogad.
4 Do mhacaibh Phahat-Moab; Eli-
hoenai mhac Serajah, agus maille ris sin
dhá chéad firionnach.
5 Do mhacaibh Shechaniah; mac
Jahasiel, agus maille ris sin trí chead
firionnach.
6 Agus do mhacaibh Adin mar an
ccéadna; Ebed mhac Ionatan, agus
maille ris sin cáogad firionnach:
7 Agus do mhacaibh Elam; Jessaiah,
mhac Ataliah, agus maille ris, seacht-
mhoghad firionnach.
8 Agus do mhacaibh Sephatiah; Se-
badiah, mhac Michael, agus maille ris
ceithre fithchid firionnach.
9 Do mhacaibh Joab; Obadiah mhac
Jehiel, agus maille ris dhá chéud agus
ocht bhfir dhéug.
10 Agus do mhacaibh Selomit; mac
Josiphiah, agus maille ris céad & trí
fithchid firionnach.
11 Agus do mhacaibh Bebai; Se-
charia mhac Bebai, agus maille ris och-
tar ar fhithchid firionnach.
12 Agus do mhacaibh Asgad; Ioha-
nan mhac Haccatan, & maille ris céad
agus deithneamhar firionnach.
13 Agus do mhacaibh deighionacha
Adonicam, ar bhíad so a nanmanna,
Eliphelet, Jehiel, & Semajah, & maille
riú trí fithchid firionnach.
14 Fós do mhacaibh Bighbhai; Utai,
agus Sabbud, agus maille riú seacht-
mhoghad firionnach.
15 Agus do chruinnigh misi a ccionn a
chéile iad gus a nabhuinn gh'uaisios go
Hahabha, & dfanamar ann sin a loisti-
nibh, trí lá: agus do mheas mé an pobal,
agus na Sagairt, agus ní bhfuair mé áoin-
neach do mhacaibh Lébhi ann.
16 Ann sin do chuir mé fios ar Eleasar,
ar Ariel, ar Shemajah, & ar Elnátan, &
ar Jarib, & Elnátan, agus ar Nátan, &
ar Shechariah, agus ar Mhesullam,
daóine toghtha; agus fós ar Ioiarib,
agus ar Elnatan, dáoine tuigsionacha.
17 Agus do chuir mé iad maille re
haithne go Hiddo an ceann san nionad
Casiphia, & dinnis mé dhóibh cred a
déaraidís re Hiddo, & re na dhearbhrai-
thribh na Netinimigh ansa náit Casiphia,
go ttugaidís leó chuguinn seirbhisigh
chum tighe ar Ndé.

18 Agus maille re láimh mhaith ar
Ndé do bheith linn, thugadar duine tuig-
sionach chuguinn do mhacaibh Mahli,
mhic Lébhi, mhic Israel, & Serebiah gun
a mhacuibh & a dhearbhráithribh, ocht
bhfir dhéag;
19 Agus Hassabiah, agus maille ris
Jessaiah do mhacaibh Merári, a dhear-
bhráithre agus a micsin, fithche fear.
20 Mar an gcéadna do na Netinimibh,
noch do órduigh Dáibhi, & na Prionnsa-
dha a serbhís na Lebhiteach, dhá chéud
agus fithche Netinimeach, do foillsigheadh
iad uile le na nainm.
21 Annsin dfuágair misi trosgadh san
náitsin ag an nabhuinn Ahabha, go
ccraidhsemis sinn fein a lathair ar Ndé,
lé a niarrsamáois air, slighe dhireach
dhúinn féin, agus dar naos óg, agus dar
máoin uile.
22 Oir do bhí náire orum buidhean
shoighdiúr & mharcshluagh diarruigh air
an Righ, do chungnamh linn a naghaidh
na námhad annsa tslighe; do bhrigh gur
labhramar ris an Righ, dhá rádh, atá
lámh ar Ndé chum maitheasa leis an
mhéid iarrus é, acht bí a chumhacht & a
fhearg a naghaidh gach áoin dá ttréi-
gionn é.
23 Marsin do throisgeamar, agus do
ghuidheamar ar Ndia uimeso, agus déist
sé rinn.
24 Annsin do chuir mé ar leith, dhá
fhear dheág do thogha na Sagart; Sere-
biah, Hasfabiah, agus deithneamhar da
ndearbhráithribh maille riú,
25 Agus do thomhuis mé chuca an
tairgiod, agus an tór, agus na soithighe,
eadhon ofrail thighe ar Ndé, noch dos-
rail an Righ, agus a chomhairligh, agus
a thighearnuigh, agus Israel uile, do bhí
a lathair annsin.
26 Do thomhuis mé féin iona lámhuibh
sé chéad & caogad tallann airgid, agus
céad tallann do shoithighibh airgid, &
céad tallann óir.
27 Mar an ccéadna fithche báisin
óir, do [chomhthromuigh] mile drama
& dhá shoitheach dfionobhruithne fhí-
neulta, mórluaigh mar ór.
28 Agus a dubhairt mé riú, atáthaói
náomhtha don Tighearna, atáid na soi-
thighe mar an gcéadna beannuigh, & atá
an tairgiod agus an tór, na nofráil thoil-
eamhuil, don Tighearna Día bhur nai-
threadh.
29 Déanuidhsi faire, & coimhéaduigh
iad, no go ccomhthromhuigh sibh iad a
lathair cheann na sagart, & na Lebhiteach
& thogha aithreadh Israel ann Jerusalem
a seómradhuibh thighe an Tighearna.
30 Marsin do ghlacadar na Sagairt
comhthrom a nairgid, & a noir, & na
soitheach, da ttabhairt go Hierusalem go
tigh ar Ndé.
31 Ann sin do ghluáiseamar ó shruth
Ahabha ar an dara lá déag don chédmhí
do dhul go Hierusalem; agus do bhí
lámh ar Ndé maille rinn, agus do shaor
sé sinn ó láimh na námhad, agus [illegible]
do bhí a luidheachán oruinn annsa [illegible]
32 Agus thangamar go Hierusalem, [illegible]
dfanamar ann sin trí lá.
33 Anois ar an cceathramhadh lá [illegible]
comhthromadh an tairgiod agus an [illegible]
agus na soithighe a ttigh ar Ndé [illegible]
laimh Mheremot mhic Uriah an [illegible]
agus do bhí maille ris, Eleazar [illegible]
Phineas, agus maille riú sin do bhí [illegible]
bad mhac Iessua, agus Noadiah [illegible]
Binnui, Lebhitigh:
34 Le huibhir & le comhthrom [illegible]
éainneithe; & do scriobhadh an com-
throm uile annsa namsin.
35 Mar an ccéadna clann na [illegible]
rugadh ar siubhal uile, agus [illegible]
dáoirsine, dofráladar íodhbartha [illegible]
do Dhia Israel, dhá bhulóig dhéag [illegible]
Israel uile, nóchad agus sé reithe, [illegible]
mhoghad agus seacht núain, dhá [illegible]
bhar dheug fhirionna mar ofrail [illegible]
cuidh: do bhadar so uile na [illegible]
loisge don Tighearna.
36 Agus thugadar cumhachda an Righ
do lieuteonontuibh an Righ, & [illegible]
aránuibh don taoibhse don tsruth, agus
do chuidigheadar leis an bpobal, agus le
tigh Dé.

CAIB. IX.

Admhail pheacadh an phobail; 5 agus [illegible]
Esra da ccionn.

ANois a núair do rinneadh na neithe [illegible],
thangadar na Prionnsadha chugam-
sa, dha rádh, níor dhealuigh pobal Israel,
nó na Sagairt, nó na Lebhitigh, iad féin
ó dhaoinibh na ccríoch, ag déanamh do
reir a ngráinemhlachd, eadhon na Cana-
níteach, na Hititeach, na Bperisiteach, na
Jebusiteach, na Nammoniteach, na Mó-
biteach, na Négipteach, & na Namoriteach.
2 Oir thugadar a ningheana chuca
fein, agus chum a mac: ionnus gur
chumaisc an siol náomhtha iad féin ré
daóinibh na ccriochsin; & fós [illegible]
bprionnsadha & na núachtarán do [illegible]
ceann ar a nurchóidsi.
3 Agus a nuair do chúala misi an
nísi, do bhris mé méadach & mfallaing,
agus do tharruing mé grúag mo chinn
agus mféusóige, agus do shuigh mé sís
ar lithiughadh.
4 Annsin do chruinnigh chugam gach
áon do chriothnuigh re breithir Dé Is-
rael, ar son chiontadh na muintire [illegible]
gadh ar siubhal, agus do shuigh mé go
hanbhúaineach nó go ttáinig íodhbairt
an tráthnóna.
5 Agus ag íodhbuirt an tráthnóna
déirigh mé suas as mo dhóbrón, agus ar
mbriseadh méaduigh agus mfallaing
dhamh do léig mé ar mo ghlúinibh [illegible],
& do leathnuigh mé mo lámha amach
chum mo Thighearna Dé;
6 Agus a dubhairt mé; ó mo Dhia,
atá náire orum, agus do dhearg mé [illegible]
maghuidh do thógbhail suas chugadsa mo

Dhia

...óir dfáſadar ar bpeacuidh ós
... cceann, agus dfáſadar ar ccionta ſuas
... neamh.
7 O laéthibh ar naithreadh atámuid a
...eadh mhór gus a niugh, & ar ſon ar
...do ſeachadadh ſinn ſéin, ar Righthe,
...ar Sagairt a láimh Ríogh na ccríoch
...na chloidhéamh, do dhaoirſine, do
...eachadh, agus do náire aighthe, mar
...á a niugh.
8 Agus a nois a mbeagáin aimſire do
...taiseanadh gráſa ó ar Tighearna Día,
...fuighioll dfágbháil dínn do dhul as, agus
do thabhairt táirnge dhúinn iona áit ná-
omhtha, le bhfoiſceolaidh ar Ndia ar
...ſúile, agus aithbheódhadh beag do tha-
bhairt oruinn as ar ndaoirſine,
9 Oír do bhámairne ar ndáoirſineachaibh,
gidheadh níor thréig ar Ndia ſinn ann ar
ndaoirſine, acht do thaisbeín ſé tró-
caire dhúinn a radharc Ríogh na Perſia,
do thabhairt aithbheoghuidh oruinn, do
chur thighe ar Ndé ſuas, do leaſughadh
a fháſaigh, & do thabhairt balla dhúinn
ann Júdah agus ann Jeruſalem.
10 Agus a nois, ó ar Ndía, cred a
déaram na dhiaigh ſo ? óir do thréigea-
mar haitheanta ſa.
11 Noch daithin tú red ſherbhíſigh na
ſáighe, ag rádh, An fearann a bhfúiltí ag
dul dá ſhealbhughadh, atá ſé na fhearann
neamhghlan arſon ſalchar dhaoine na tal-
mhan le na ngráineamhlacht, noch do
líon é ón ccorr go chéile le na ſalchar.
12 Anois ar a nadhbharſin ná tugaidhſe
bhur ningheana dá macaibh, agus ná ga-
bhuidh a ningheana dá bhur macaibh, ná
hiarruidh a ſíothcháin, nó a ſaidhbhrios
go bráth; chor go mbeithí laidir, agus
go bhfuighfidhe é na oighreacht ag bhur
ccloinn go bráth.
13 Agus tar eís a ttáinic oruinn ſár
ndroichghníomhuibh, agus ſár ccoir mhóir,
ó phianuidh tuſa ſinn, ó ar Ndía, níos
lugha ná mar do thuill ar bpeacadh, a-
gus thug tú fuáſgladh dhuinn mar ſo:
14 Nar chóir dhuinn á rís haitheanta
do bhriſeadh, agus iadhadh a ccleamhnus
ré lucht na graíneamhlachta ? nach bei-
theá ſa feargach rinn, nó go ſcrioſtá ſinn,
iondus nach bíath fuighioll nó dul as ?
15 O a Thighearna Día Iſrael, atá tú
ceart, óir mairmidne fós íar ndul as, mar
atá a niugh ; féuch a támaoid ad lathair
ann ar gciontuibh ; óir ni fhéadmaoid
ſeaſamh as do choinne dá bhrígh ſo.

CAIB. X.

A nſeilbh aithreachus, 6 (tar eis jartas Eſra)
12 do chuireadar uatha na mná choigcrighe.

ANois an tan do ghuidh Eſra, agus a
nuair do aduimh ſé ag gul, & da
theilgion féin ar lár a bhfiaghnuiſe thighe
Dé, do chruinnigh chuige as Iſrael coimh-
thionól romhór fear, & ban, & leanabh;
óir do chaóidheadar an pobal go roghéar.
2 Agus do fhreagair Sechaniah mhac
Jehiel, aon do mhacaibh Elam, agus a
dubhairt re Heſra ; Do chiontuigheamar
a naghaidh ar Ndé, agus thugamar mná
coigcríchthe, do dhaoinibh na talmhan;
gidheadh fós atá a nois dóigh ann Iſrael
a ttaóibh an neitheſi.
3 Anois ar a nadhbharſin déanam cunn-
radh re ar Ndía, na mná uile, agus an
mhéid do rugadar, do chur uáinn do réir
chomhairle mo thighearna, agus na méide
chriothnuighios re haithne ar Ndé, agus
déantar é do réir an dlighe.
4 Eirigh : óir beanaidh dhuitſi an
chúiſeſi; bíaidh ſinne ar aon leachd :
biodh meiſnéach mhaith agad, & déan.
5 Annſin déirigh Eſra, agus thug mi-
onna ar na hárdſhagartuibh, agus ar na
Lebhítibh, agus ar Iſrael uile go ndéa-
naidis do réir a nfocailſi : agus thugadar
a mionna ris ſin.
6 Annſin déirigh Eſra ſuas ó lathair
thighe Dé, agus do chuaidh ſé go ſéomra
Johanan mhic Eliaſib : agus a nu-
air tháinic ſé annſin níor ith ſé aran,
agus níor ibh ſé uiſge : óir do chaói ſé
ar ſon ſháruighthe na druinge, noch ru-
gadh ar ſiubhal.
7 Agus thugadar ſúagra ar feadh Júdah
agus Jeruſalem do chloinn na daóirſine
uile, íad féin do chruinniughadh a ccionn
a chéile a Nieruſalem.
8 Agus gidh bé nach ttiucfadh fá
cheann thrí lá do réir chomhairle na
bprionſadh agus na ſinnſior, go ttóigfidh
a mhaóin uile, agus go ndeileochuidh é
féin as comhchruinniughadh na druinge
rugadh ar ſiubhal.
9 Annſin do chruinnigheadar fir Bhen-
jamin & Júdah íad féin a ccionn a chéile
go Hieruſalem, taobh a ſtigh do thrí lá :
do bí ſin an naomhadh mí, agus an fith-
cheadh lá don mhí, agus do ſhuigh an po-
bal uile a ſráid thighe Dé, ar crith ar ſon
na cúiſeſi, agus na fearthanna mhóire,
10 Agus do ſheas Eſra an ſagart ſuas,
agus a dubhairt ríu, do pheacuigheabhair,
agus thugabhair mna coimhighthcacha do
mhéudughadh peacuidh Iſrael.
11 Anois ar a nadhbharſin déanuidh
faóiſidin don Tighearna Día bhur naith-
readh, agus déanuidh a thoil, agus dealui-
ghidh ſibh féin ré muintir na tíreſi, agus
ó na mhnáibh coimhightheacha.
12 Ann ſin do fhreagair an comh-
chruinniughadh uile, agus a dubhradar do
ghuth árd, Mar a dubhairt tuſa, is marſin
do dhéanaimne.
13 Acht is iomdha na daóine, agus is
aimſir rodhoineanta í, agus ni fheudmaoid
ſeaſamh amuigh, ní mó is obair láe no
dhá lá ſo : óir is iomdha dhínn do chi-
ontuigh ſan níſe.
14 Seaſaidis anois ar nuachdaráin an
chomhchruinnigh uile, agus tigeadh ga-
cha a ttug mná coimhightheacha dar cca-
thruigh a naimſir chinte, agus ſinnſir
gach aon chaithreach maille ríu, agus a
mbreitheamhuin, nó go bhfilltear dibh-
feirg Dé ſan ccás ſo uáinn.
15 Do cuireadh Jonatan mhac Aſa-
hel

hel, agus Jahaſiah mhac Ticbhah amh-
áin timchioll na cúiſeſi: agus Meſſul-
lam, agus Sabbetai an Lebhiteach ag
cungnamh dhóibh.
16 Agus do rinneadar clann na daóir-
ſine ſin, agus Eſra an ſagart maille re
cuid áirigh do thogha na naithreadh, do
réir thighe a naithreadh, agus do dea-
luigheadh uile íad tre na nanmanna, agus
do ſhuigheadar ar an ccéad la don de-
achmhadh mí, do ſpionadh na cúiſe.
17 Agus do críochnuigheadar re gach
áonduine da ttug mná coimhightheacha
ſan ccéad lá don chéaidmhí.
18 Agus do frith a meaſg mhac na ſa-
gart thug mná coimhightheacha; eadhon
do mhacaibh Jeſſua mhic Joſadac, agus dá
dhearbhráithribh; Maaſeiah, agus Elieſer,
agus Jarib, agus Gedaliah.
19 Agus thugadar a lámha go ccuir-
fidis a mná úatha: agus íar mbeith ci-
ontach, dofráladar reithe don tréud
ar ſon a bpeacuidh.
20 Agus do mhacaibh Immer: Haná-
ni, agus Sebadiah.
21 Agus do mhacaibh Harim; Maa-
ſeiah, Elijah, agus Semaiah, agus Je-
hiel, agus Uſſiah.
22 Agus do mhacaibh Paſſur: Elioe-
nai, Maaſeiah, Iſmael, Netaneel, Joſabad;
agus Elaſah.
23 Mar an ccéadna do na Lebhitibh:
Joſabad, agus Simei, agus Celaiah (ſé ſin
féin Celita) Petahia, Júdah, agus Eli-
eſer.
24 Do na cantairighibh mar an ccéad-
na. Eliaſib: & do na doirſeóirighibh;
Sallum, agus Telem, agus Uri.
25 Tuilleamh fós, Diſrael: do mha-
caibh Pares; Ramiah, agus Jeſiah, agus
Malchiah, agus Miamin, agus Eliaſar,
agus Malchiiah, agus Benaiah.
26 Agus do mhacaibh Elam; [illegible]
taniah, agus Sechariah, agus Jehiel, [illegible]
Abdi, agus Jeremot, agus Eliah.
27 Agus do mhacaibh Sattu; [illegible]
nai, Eliaſſib, Mattaniah, agus Jere[illegible]
agus Sabad, agus Aſiſa.
28 Do mhacaibh Behai fós; Jeho[illegible]
Hananiah, Sabbai, agus Athlai.
29 Agus do mhacaibh Báni: Meſ[illegible]
lam, Malluch, agus Adaiah, Jaſ[illegible]
gus Seal, agus Ramot.
30 Do mhacaibh Pahat-Moab; Ad[illegible]
agus Chelal, Benaiah, Maaſeiah, Ma[illegible]
taniah, Beſaleel, agus Binnui, agus Ma-
naſſeh.
31 Agus do mhacaibh Hárim: Eli-
ſer, Iſſijah, Malchiah, Semaiah, Si-
meon.
32 Benjamin, Malluch, Semariah.
33 Do mhacuibh Haſſum; Mattenai,
Mattatah, Sabad, Eliphelet, Jeremai,
Manaſſeh, agus Simei.
34 Do mhacuibh Báni, Maadai, Am-
ram, agus Uel,
35 Benaiah, Bedeiah, Chelluh,
36 Bhaniah, Merimot, Eliaſib,
37 Mattaniah, Mattenai, agus Ja-
aſau,
38 Agus Bani, agus Binnui, Simei,
39 Agus Selemiah, agus Natan, agus
Adaiah,
40 Machnadebai, Saſſai, Sarai,
41 Aſareel, agus Selemiah, agus Se-
mariah.
42 Sallum, Amariah, agus Joſeph.
43 Do mhacaibh Nebo: Jéhiel, Ma-
titiah, Sábad, Sébina, Jadau, agus Joel,
Benaiah.
44 Thugadar ſo uile mná coimhigh-
theacha; agus do bhí mná ag cuid díobh
le a raibh clann aca.

LEABHAR NEHEMIAH.

CAIB. I.

Trógadh, 5 & urnaigh Nehemiah a leith Jeruſalem.

BRiathra Nehemiah; agus tárla a mí
chiſleu, annſa bhfithchiodmhadh
bliadhain, mar do bhí mé a bpalas Shúſan.
2 Go ttáinic Hánani áon dom dhear-
bhraithribh, é féin, agus daóine áirigh do
Júdah, agus dfiafruigh miſi dhíobh do
thaoibh na Niuduigheadh do chuáidh as,
noch do fágbhadh do na daóirſineacaibh,
agus a ttaobh Jeruſalem.
3 Agus a dubhradar ríom, an fuighioll
do fágbhadh do na braighdibh annſin
annſa bprobhins, ataid a mbuáidhreadh
mhór, agus a míochlú: do briſeadh ſíos
balladha Jeruſalem mar an gcéadna,
& do loiſgeadh a geatadh le teine.
4 Agus tárla an tan do chuála miſi na
briathraſo, gur ſhuigh mé ſíos, agus
gur ghuil mé, agus go ndéarna me
doilghios laéthe áirigh, agus gur throiſg
mé, agus gur ghuidh mé a bhfiadhnuiſe
Dé neimhe:
5 Agus a dubhairt mé, iarruim dith-
chuinge ort, a Thighearna Dia neimhe,
an Día mór úathbhaſach, choimhéadas
cunnradh agus trócaire don mhéid ghrá-
dhuighéas é, agus choimhéadas a aithe-
anta:
6 Biodh do chluas a nois fuireachair,
agus do ſhúile foſcuilte lé ccluinſe ur-
naigh do ſherbhiſigh, noch do níu a
nois ad fhiaghnuiſi, do ló agus dói-
che ar ſon chloinne Iſrael do ſherbhi-
ſigh, agus ag admháil peacaidh chloinne
Iſrael, noch do pheacuigheamar ad agh-
aidh: miſi ar aon, agus tigh m'athar
do pheacuigheamar.
7 Do rinneamar go ro thruáillighthe ad
aghaidhſi, agus níor choimhéadamar na
haitheanta, náid na reachda, náid na
breitheamhnuis do aithin tú dot ſherbhi-
ſeach Máoiſe.

8 Guidhim thú, cuimhnigh an focal do
aithin tú dot sherbhíseach Maóise, gha
ráidh, Má chiontuidhe, sgaóilfe misi a-
mach sibh ar feadh na ccríoch:

9 Acht má fhilltighe chugam, agus
aitheanta do choimhéad, agus a ndéa-
namh; dá mbeadh go tteilgfidhe amach
cuid agaibh gus an ccuid is sía uáibh do
neamh, gidheadh do bhéara misi as sin
iad, & cruinneocha mé iad don náit do
thogh mé do chur m'anma ann.

10 Anois is iadso do sherbhísigh, a-
gus do phobal, noch do shaór tú le
do chumhachd mhóir, agus le do
láimh láidir.

11 O a Thighearna guidhim thú, bi-
odh do chlúas a nois aireach do ghuidhe
do sherbhísigh, & do ghuidhe do sher-
bhíseach ar a bhfuil fonn eagla hanma do
bheith orra: agus soirbhigh dot sherbhi-
seach a niugh, iarruim dathchuinghe ort,
& éiomaidh trócaire dhó as coinne an
duinesi. Oir bá misi giolla cupáin an Rígh.

CAIB. II.

Téid Nehemiah, 8 Lé litreachaibh Artaxerxes an Rígh. 11 go Jerusalem.

AGus tarla a mí Nisan, annsa bhfith-
chiodmhadh bliadhain do Arta-
xerxes an Rígh go raibh fíon da lathair
& do thóg misi an fíon agus thug mé
don Rígh é: a nois ní bhinnsi roimhésin
dubhach iona fhiadhnuisi.

2 Uime sin a dubhairt an Rígh riom,
cred as a bhfuil do ghnúis duilbhir, ó
nach bhfuil tú tinn? ní héinní so acht
doilghios croidhe. Annsin do bhi ro
eagla orum.

3 Agus a dubhairt mé ris an Rígh,
Go mairidh an Rígh go bráth: cred as
nach biadh mo ghnúis dubhach, a nuáir
go bhfuil an chathair, áit adhlaicthe
maithreadh, fásfholumh, agus a geatadha
loisge le teine.

4 Annsin a dubhairt an Rígh riomsa,
cred é an ní atá tusa díarruidh? mar sin
do ghuidh misi chum Dé neimhe.

5 Agus a dubhairt mé ris an Rígh,
más toil ris an Rígh, agus má fuair do
sherbhíseach fábhar ad radharc, go madh
toil leachd misi do chur go Júdah go
cathruigh adhlaicte maithreadh; iondus
go ccuirfe mé súas í.

6 Agus a dubhairt an Rígh riom
(an bhainrioghain fós na suidhe láimh ris)
cred é fad na haimsire bhías do thurus,
agus cá huáir fhillfios tú? marsin bá
toil ris an Rígh, mo chur ar siu-
bhal, agus do rinne mé uáir chinnte
ris.

7 Agus ós a chionn sin fós a du-
bhairt mé ris an Rígh, más toil ris an
Rígh é, tugthar litreacha dhamhsa
chum na núachtarán táobh thall dabhuinn,
misi do chur slán thairis nó go ndea-
chaidh mé go Júdah.

8 Agus litir go Asaph coimhéaduigh
foraóise an Rígh chor go ttiubhradh sé
adhmad damh, dá ndéana mé postadha
do gheatadhuibh an pháláis, noch
bheanus ris an ttigh, agus do bhalla na
caithreach, agus don tigh iona racha
mé a steach: agus daontuigh an Rígh
dhamh do réir láimhe mhaithe De orum.

9 Annsin tháinic mé gus na húach-
taránuibh táobh thall dabhuinn, & thug
mé litreacha an Rígh dhóibh: (anois do
chuir an Rígh caiptíne don tsluagh, a-
gus marcshluagh liom.)

10 A nuáir do chúaluidh Sanballat
an Horoniteach sin, agus Tobiah an
searbhfhoghantuigh Ammoniteach, do
ghoill sé orra go hiomarcach, go tti-
ucfadh duine díarruidh maitheasa chlo-
inne Israel.

11 Mar sin tháinic misi go Hie-
rusalem, agus do bhí mé annsin trí
lá.

12 Agus déirigh mé san noidhche,
mé féin, agus beagán daóine liom, a-
gus níor innis mé déanduine cred do
chuir Dia ann mo chroidhe do dhéanamh
ann Jerusalem: ní mó do bhí ainmhidh ar
bith am fhochair acht an tainmhidh do
bhí dom iomchar.

13 Agus do chuáidh mé amach san
noidhche ag geata an ghleanna, eadhon
as coinne thobair an draguin, agus láimh
ris an bport aoiligh, agus do mheas mé
balladha Jerusalem, noch do bhriseadh
síos, agus a geatadha do bhí ar an
losgadh re teine.

14 Annsin do chuaidh mé romham go
geata an tobair, agus go lochán an Rígh:
acht ní raibh slighe ar bith ag an mbei-
theach do bhí fúm a rachadh sé thairis.

15 Annsin do chuáidh mé súas annsa
noidhche láimh ris an tsruthán, agus do
mheas mé an balla, agus dfill mé tar
mais, agus do chuáidh mé a steach a
ngeata an ghleanna, & marsin dfill mé.

16 Agus ní raibh a fhios ag na
húachtaránuibh cáit a ndeacha mé, nó
cred do rinne mé, ní mó dinnis mé é
fós do na Júduighibh, nó do na sagar-
tuibh, nó do na huáislibh, nó do na
ríaghlathóirighibh, nó don chuid oile do
bhí ag obair.

17 Ann sin a dubhairt mé ríu, do
chithí a naindesi iona bhfuilmid, mar atá
Jerusalem na fásach, agus a geatadha
loisge re teine: tigidh, cuiriom súas
balla Jerusalem, go nach bíam níos
mó fá mhiomhodh.

18 Annsin dfoillsigh mé dhóibh láimh
mo Dhé, noch do bhí liom go maith, a-
gus briathra an Rígh mar an ccéad-
ná, mar do labhair sé riom. Agus a
dubhradarsan, éirghiom, agus deanam a
nobair súas; marsin do neartuighea-
dar a lámha chum na hoibre maithesi.

19 Acht a nuair do chualuidh San-
ballat an Horoniteach, agus Tobiah an
serbhfhoghantuigh Ammoniteach & Gef-
sem an Tarábianach, sin, do gháirea-
dar

dar go tarcuiſneach fúinn, agus thugadar
neimhchion oruinn, agus a dubhradar,
cred é an ní ſi do nithi? an rachſuidh
a gceannairc a naghaidh an Righ?

20 Annſin do fhreagair miſi íad, a-
gus a dubhairt mé ríu, cuirfe Día neimhe
air ar naghaidh ſinn; uimeſin ſinne a
ſherbhíſigh éireochum, agus do dhéanam
obair: acht ní bhfuil roinn, nó ceart, nó
chimhniughadh aguibhſi ann Jeruſalem.

CAIB. III.

Do chuireadar ſúas Geatadha ⁊ Balladha na caithreach.

AN ſin déirigh Eliaſib an tárdſhagart
ſúas gon a dhearbhraithribh na ſagairt,
agus do chuireadar geata na ccáorach
ſuas, do náomhuigheadar é, agus do chui-
readar comhladha ris; ó thor Meah
air fad go tor Hananeel do náomhuigh-
eadar é.

2 Agus a ngar dó ſin do rinneadar
muintir Jericho obair, agus láimh ríu ſin
do rinne Saccur mhac Imri obair.

3 Acht do chuireadar mic Haſſenaah
geata a neiſc ſúas, agus do chuirea-
dar ſúas a dhoirſe, a ghlais, agus a
bharradha.

4 Agus láimh riu ſin do leaſuigh
Merimot mhac Uriah, mhic Cos: agus
láimh riú ſin do leaſuigh Meſſullam
mhac Bherechiah mhic Meſſeſabeel: a-
gus láimh ríu ſin doibrigh Sadoc mhac
Baana.

5 Agus láimh ríu ſin do leaſuighea-
dar na Tecoitigh; acht níor chuireadar
a nuáiſle a muinéil ſa obair an Tigh-
earna.

6 Tuilleamh oile, do leaſuigh Jehoia-
da mhac Paſeah, agus Meſſullam mhac
Beſodeiah an ſeingheata: do chuirea-
dar a ſhaltacha na ſuidhe, agus do chui-
readar ſúas a dhourſi, a ghlais, agus a
bharradha.

7 Agus na dhiáighſin do leaſuidh Me-
latiah an Gibeoniteach, agus Jadon an
Meronotiteach, muintir Ghibeon agus
Mhiſpah, go cathaóir ríoghdha a núachda-
ráin don taóibhſi do nabhuinn.

8 Láimh ris ſin do leaſuigh Uſſiel
mhac Harhaiah do na céarduibh óir:
láimh ris ſin mar an gcéadna do leaſuigh
Hananiah, mac aóin do na poteacairibh,
agus do dhaingnigheadar Jeruſalem go
nuige an balla leathan.

9 Agus láimh ris ſin do leaſuigh Re-
phaiah mhac Hur, úachtarán leithe
Jeruſalem.

10 Agus laimh ríu ſin do leaſuidh
Jedaiah mhac Harumaph, eadhon thall
as coinne a thighe féin: agus láimh
ris ſin do leaſuigh Hattus mhac Haſ-
ſabniah.

11 Do leaſuigh Malchijah mhac Ha-
rim, agus Haſſub mhac Pahat-Moab an
píoſa oile, agus tor na ſorn.

12 Agus láimh ris ſin do leaſuigh
Sallum, mhac Halohes, úachtarán leith
choda Dieruſalem, é féin, agus [illegible]
gheana.

13 Do leaſuigh Hanum, agus [illegible]
bhuigh Shanoa geata an ghle[illegible]
chuireadar ſuas é, agus do [illegible]
ſuaſ[illegible] dhoirſi, a ghlais, agus a [illegible]
radha, agus míle cubhad air an [illegible]
go nuige geata a naóiligh.

14 Acht ſé Malchiah mhac [illegible]
úachdarán coda do Bhet[illegible]
do chuir geata a naóiligh [illegible]
rinne ſé é, agus do chuir ſé a [illegible]
ſi ſuas, agus a ghlais, agus a [illegible]
radha.

15 Acht ſé Sallum mhac [illegible]
ſeh, úachdaran coda do Mhi[illegible]
rinne geata an tobuir: do [illegible]
é, agus do chuir díon air, agus do [illegible]
a dhoirſe ſúas, a ghlais, agus a [illegible]
rada, agus balla locháin Shiloah [illegible]
re gáirdín an Rígh, agus go [illegible]
ſtaighreacha théid ſíos ó [illegible]
Dhaibhi.

16 Ná dhiáigh ſin Nehemiah [illegible]
Aſbuc úachdarán leathchoda [illegible]
ſur, do leaſuigh ſé go nuige [illegible]
as coinne thuama Dháibhi, agus [illegible]
nuige an lochán do rinneadh, agus [illegible]
tigh an chumhachduigh.

17 Na dhiáigh ſin do leaſuigheadar [illegible]
Lebhítígh Rehum mhac Bani; na dhiáigh
ſin do leaſuigh Haſſabiah, úachdarán
leathchoda do Cheilah, ann a chuid féin.

18 Na dhiáigh ſin do leaſuigheadar [illegible]
ndearbhráithre, Babhaí mhac Henadad
úachdarán leathchoda Ceilah.

19 Agus láimh ris do leaſuigh [illegible]
mhac Jeſſua, úachdarán Mhiſpah [illegible]
thall, as coinne dhula ſúas go [illegible]
narm, ar chaſadh (an bhalla.)

20 Na dhiáigh ſin do chuir [illegible]
mhac Sabbai an chuid oile ſúas go [illegible]
chiollach ó chaſadh an bhalla go [illegible]
thighe Eliaſſib an tárdſhagart.

21 Na dhiáigh ſin do rinne Merimot
mhac Urijah, mhic Cos, píoſa oile ó
dhorus thighe Eliaſſib, air fad go [illegible]
thighe Eliaſſib.

22 Agus na dhiáigh ſin do leaſuighea-
dar na ſagairt, muintir an réidh.

23 Ná dhiáigh ſin do leaſuigh Benja-
min agus Haſſub thall as coinne a thighe
féin: na dhiáigh ſin do leaſuigh A-
riah mhac Maaſejah mhic Ananiah
láimh re na thigh féin.

24 Na dhiáigh ſin do leaſuigh Binui
mhac Henadad píoſa oile, ó thigh A-
riah go caſadh an bhalla, eadhon [illegible]
nuige an ccoirnéul.

25 [Do leaſuigh] Palal mhac U[illegible]
as coinne chaſta an bhalla, ⁊ an [illegible]
atá amach as coinne thighe áird an [illegible]
do bhí láimh ré cúirt an phríoſúin: [illegible]
dhiáighſin doibrigh Pedaiah mhac Paroſh.

26 Tuilleamh fós, do áitreabhadar na
Netinimigh ann Ophel go nuige a [illegible]
thall as coinne gheata an uiſge, [illegible]
ſhoir, agus an tuir théid amach.

27 Na

27 Na dhiáigh sin do leasuigheadar na
Tecoitigh píosa oile, thall as coinne an
túr mhóir atá amuigh, eadhon go nuige
balla Ophel.
28 Do chuireadar na sagairt súas ó
timchioll gheata na neach, gach éan-
duine as coinne a thighe féin.
29 Na dhiáighsin do chuir Sadoc mhac
Immer as coinne a thighe féin súas; na
dhiáigh sin do leasuigh Semaiah mhac
Sechaniah, coimhéaduigh an gheata shoir.
30 Na dhiáighsin do leasuigh Hananiah
agus Hanun an seiseadh mac do Shalaph
píosa oile: na dhiáighsin do leasuigh
Mesullam mhac Berechiah thall as co-
inne a sheomra.
31 Na dhiáighsin do leasuigh Malchi-
ah, mac an chéarda óir, go nuige áit na
Nethinneach, agus na cceannuigheadh
thall as coinne an gheata Miphcad, agus
go dul súas an choirnéil.
32 Agus eidir dhul súas an choirnéil go
geata na ccaorach do chuireadar na
céarda óir agus na ceannuighthe súas é.

CAIB. IV.

Na Iúduighe go dúthrachdach ag deanamh oibre leath-láimhe, 17 & an lámh oile ag congbháil arm.

ACht tárla a nuáir do chualaidh San-
ballat gur chuireamar an balla súas,
do bhí fearg air, agus do ghabh athmhá-
chtas mór é, agus do bhí ag magadh
air na Júduighibh.
2 Agus do labhair a lathair a dhear-
bhráithreach, agus shluáigh Shamaria, &
a dubhairt; creud é so do níd na Júduighe
easccruaidhsi? a ndéanuid daingion
dóibh féin? a ndéanuid íodhbuirt? an
ccríochnochuid a naonló? a naithbhéo-
bhuid na clocha as na cárnuibh dearga
atá loisge?
3 Anois do bhí Tobiah an Tammoní-
teach na aice agus a dubhairt sé, An sáo-
thar sin noch do chuireadar súas má théid
sionnach súas, brisfidh sé amh sios a
mballa cloiche.
4 Cluin so, ó ar Ndíane, óir atámaóid
fá tharcuisne; agus iompóigh a masla
ar a cceann féin, agus tabhair na ccreich
iad a ttír na daóirsine.
5 Agus na ceil a néaigceart, agus ná
scriostar amach a bpeacadh as tfiadh-
nuisisi: óir do bhrosnuigheadar chum
feirge thu a lathair an luchd oibre.
6 Marsin do chuireamar an balla súas,
agus do cheangladh an balla uile dhá
chéile go nuige a leath: óir do bhí fonn
oibre air na daóinibh.
7 Acht tárla a nuair do chualuidh
Sanballat, agus Tobiah, agus na Hará-
bianuigh, agus na Hammonitigh, agus na
Hasdoditigh, gur cuireadh balla Jerusa-
lem súas, agus go rabhadar na béarna-
dha ar tí bheith druite, annsin do bhí
fearg mhór orra.
8 Agus do choimhiadhadar uile re
chéile do theacht súas, agus do throid
a naghuidh Jerusalem, agus a nobair sin
do thoirmiosg.
9 Ar a shonsin do rinneamairne ar
nguidhe chum ar Ndé, agus do chuirea-
mar faire re na naghaidh do ló, agus
duidhche, ar a neagla.
10 Agus a dubhairt Júdah, do lagui-
gheadh neart lucht iomchair na núalach,
& atá mórán tróthair ann, iondus nach
bhféadmuid an balla do dhéanamh.
11 Agus a dubhradar ar námhuid, ní
bhiáidh fios aca, agus ní fhaicfid siad nó
go ttigimne iona lár, agus go mar-
bham iad, agus go ttugam ar a nobair
cosc.
12 Agus tárla a nuair thangadar na Jú-
duighe do bhí láimh ríu na ccomhnuighe
go ndubhradar rinne deich nuáire: as an
uile bhall as a niompochthaoi chuguinne,
[béid siad ar bhur muin.]
13 Ar a nadhbharsin do chuir misi ar
an ccuid dob ísle táobh shíar don bhalla
agus ar an ccuid dob áirde fós do
chuir mé na daoine do réir a muintear
gun a ccloidhmhibh gun a ngáethibh, a-
gus gun a mbodhuighibh.
14 Agus dféach mé, agus déirigh mé
súas, agus a dubhairt mé ris na hu-
áislibh, agus ris na húachdaranuibh, a-
gus ris an ccuid oile don phobal, Ná
húamhnuighthear sibh rompa súd; cu-
imhnighidh an Tighearna atá mór úath-
bhasach, agus troididh ar son bhur ndear-
bhráithreach, bhur mhac, agus bhur nin-
ghean, bhur mban, agus bhur ttightheadh.
15 Agus tarla a nuáir do chúaladar an
namhuid go bhfúaramairne scéula, agus
go ttug Dia a ccomhairlesion a neimhní,
gur fhilleamar uile ar an mballa, gach
aon dinn ar a chuid oibre féin.
16 Agus tárla ón nuáirsin amach gur
oibrigheadar leath mo sheirbhíseachsa
annsa nobair, agus an leath oile dhíobh
do chongmhadar na gáethe, na sciatha,
agus na boghuighe, agus na lámh-airm,
agus do bhádar na húachtaráin táobh
shíar uile do thigh Júdah.
17 An lucht do oibrigh ar an
mballa, agus lucht iomchair na núalach
maille ris an lucht do chuireadh úaluighe
súas, do níodh gach áon díobh obair
leathláimhe, agus an leathlámh oile ag
congmháil airm.
18 Arson na sáor, do bhíodh a chloidh-
éamh thair gach áonduine dhíobh air a
thaobh, agus é marsin ag déanamh oibre,
agus an té do bhuaileadh an stoc do bhí
sé am fhochairse.
19 Agus a dubhairt misi ris na hu-
áislibh, agus ris na húachdaranuibh,
agus ris an ccuid oile don phobal, As
mór agus is leathan a nobair, agus atá-
maóid dealuighthe air an mballa a bhfad
ó chéile gach áon aguinn.
20 Ar a nadhbharsin gidh bhé áit a
ccluinfidhe fuáim an stuic, cruinnighidh
annsin chuguinn; troidfidh ar Ndía air
ar son.

21 Marsin do shaothruigheamar ánnsa
nobair, agus leath dhiobh ag iomchar
na ngáetheadh, ó eirghe na maidne go
faicsin na réultann.

22 Mar an ccéadna san namsin féin
a dubhairt mé ris an bpobal, luighidh
gach áonduine, gon a óglach a sligh
ann Jerusalem, ar chor go mbéid na
ngárda aguinn san noidhche, agus go
noibrighid san ló.

23 Marsin níor chuir misi, no mó
dhearbhráithre, nó mo sheirbhíseacha, nó
muintir an ghárda, doch do lean misi,
ar néaduighe dhinn, acht a nuáir do
chuireadh gach áon de dhá nighe.

CAIB. V.

Gainne a measc an phobail. 6 do spreig Nehemiah coimhégniughadh na mbochd. 14 A Fhéile ar a oidheachd féin.

AGus do bhí gártha móra ag an pobal,
agus agá mnaibh a naghaidh a
ndearbhráithreach na Juduighe.

2 Oir do bhí cuid díobh a dubhairt,
atámuidne sinn fein, ar mic, agus ar
ningheana iomad; uimesin tógbhamuid
arbhar súas dóibh, chor go nitheamaóis
biadh, agus go mbéaimis béo.

3 Do bhí cuid oile mar an gcéad-
na a dubhairt, do chuireamar ar bhfear-
ann a ngeall, ar bhfíneamhuin, & ar ttigh-
the, le cceainneochaimis arbhar, do
bhrígh na gorta.

4 Do bhí fós cuid oile a dubhairt, do
ghabhamar airgiod airligthe chum cíosa
an rígh, agus sin air ar bhfearannuibh,
agus air ar bhfíneamhnuibh.

5 Gidheadh anois is ionann ar bhfeóil
agus feóil ar ndearbhráithreach, ar cclann
mar a ccloinnsion: agus féuch do bhe-
irmid a serbhis, ar mic, agus ar nin-
gheana, dá mbeith na searbhshoghan-
tuibh aca, agus cuid dar ningheanuibh ar
ndul a mbruid [cheana fein,] agus ní
bhfuil air ar ccumhachduibh a bhfuas-
cladh: óir atáid ar bhfearuinn, agus ar
bhfíneamhna ag dáoinibh oile.

6 Agus do bhí misi lán dfeirg a
nuair do chúala mé a ccomhairc, agus
na bríathrasa.

7 Annsin do chomhairligh mé riom
féin, agus thug mé imdheargadh do na
huáislibh, agus do na húachdaranuibh,
agus a dubhairt mé ríu: coimhégnidhthi
gach aonduine aguibh úsúireacht air a
dhearbhrathair: agus do shuighidh mé
oireachtus mór na naghaidh.

8 Agus a dubhairt mé ríu, sinne do réir
ar ccumuis, dfúasglamar ar ndearbhrái-
thre, na Juduighe, noch do reacadh ris
na geintibh, agus an reacfuidhesi cheana
bhur ndearbhráithre? nó an reacfui-
ghthear rinne iad? Annsin do thochda-
dar & ní bhfuaradar ni do fhreagóraidís.

9 Agus mar an ccéadna a dubhairt mé,
ni maith an ní do nithí: nach ar chóir
dhíbhse siubhal a neagla ar Ndé, do
bhrígh masla na ngeinteadh ar námhad?

10 Dféadsuinnsi fós, agus mo [illegible]
bhraithre, agus mo sheirbhfhógh[illegible]
giod agus arbhar, do choimhég[illegible]
úatha: guidhim sibh, léigiom d[illegible]
núsuireachtsa.

11 Guidhim sibh, aisigidh dh[illegible]
niugh féin a bhfearuinn, a bhfín[illegible]
a lubhgoirt ola, agus a ttighthe,
mar an ccéadna an céadmhadh [illegible]
nairgiod, agus do narbhar, do [illegible]
agus do nola, do bheanabhair dhíobh.

12 Ann sin a dubhradarsan, [illegible]
agus ní iarrfam éinni orra; [illegible]
deir tusa, is marsin do dhéanam: [illegible]
do ghoir mé na sagairt, agus do [illegible]
mé mionna dhíobhsan go ndéan[illegible]
réir na geallamhnasa.

13 Mar an ccéadna do chroith [illegible]
mucht, agus a dubhairt mé, go ccroith[illegible]
Dia marso amach as a thigh, agus a[illegible]
shaothar, an té nach ccoimhéd[illegible]
gealladhsa, gu ma marso chroithf[illegible]
amach, agus fhoilmheochthar é: [illegible]
a dubhairt an comhchruinniughadh [illegible]
Amen. Agus do mholadar an Tighearna.
Agus do rinneadar na daoine do [illegible]
na geallamhnasa.

14 Os a chionn sin ó nam [illegible]
gheadh misi do bheith am [illegible]
a bhfearann Iúdah, ón bh[illegible]
blíadhain, go nuige an dara [illegible]
déug ar fhithchid do Artaxerxes [illegible]
Righ, dhá bhliadhuin déag, [illegible]
mé féin nó mo dhearbhráithre [illegible]
núachdaráin.

15 Acht na húachdarain do bhí [illegible]
am do bhádar costasach don phobal, [illegible]
do ghlacadar arán, agus fíon [illegible]
táobh a muigh do cheathrachad [illegible]
cel airgid; do bhí fós agá [illegible]
chaibh ríaghuil ós cionn an phobail: [illegible]
ní dhéarnuidh misi marsin, ar [illegible]

16 Dfan mé fós a nobair an [illegible]
so, níor cheanchamar dúithche [illegible]
agus do cruinnigheadh mo [illegible]
uile annsin chum na hoibre.

17 Tuilleamh fós, do bhí a[illegible]
céad agus cáogad do na Iúdaighibh, [illegible]
do na húachdaránuibh, táobh [illegible]
dá ttigeadh chuguinn as measc na [illegible]
teadh atá air gach taóibh dhinn.

18 Anois gach a ngléastaói d[illegible]
go laetheamhuil, budh aondamh [illegible]
sé caóirigh toghtha iad; mar an [illegible]
na do gléastaoi éanlaith dhamh, [illegible]
uáir annsna deich lá mórán d[illegible]
sórt fíona: gidheadh ar a shon [illegible]
níor iarr mé arán a nuachdaráin, [illegible]
bhrígh go raibh an daóirsine trom [illegible]
an bpobal.

19 Smuáin orumsa, ó mo Dhia, [illegible]
maitheasa do réir a nuile ní dá nd[illegible]
mé ar son an phobailsi.

CAIB. VI.

Bacadh sa nobair, 5 naimhdibh [illegible] fhaigbibh bréige; 17 ar i fhaille [illegible] na tire.

A Nois tárla a nuair do chúala San-
ballat, agus Tobiah, agus Gessem
[illegible] Tarabianách, agus an chuid oile
[illegible] naimhdibh gur chuir misi an balla
[illegible], agus nar fágbhadh beárna ar bith
air [illegible] gidh nar chuir mé fa nanasin doir-
[illegible] sios air na geatadhuibh:
2 Gur chuir Sanballat, agus Gessem
[illegible] chugam gha rádh, tárra, teagbham
[illegible] chéile a mbaile éigin a réiteach Ono:
[illegible] do shaoíleadarsan urchóid do dhéa-
[illegible] dhamhsa.
3 Agus do chuir misi teachta chuca-
[illegible] gha rádh, atáim ag déanamh oi-
[illegible] móire, uimesin ní fhéaduim dúl
[illegible]: cred fa sguirfeadh a nobair, an
[illegible] dhúighinnsi í, agus teacht sios chu-
[illegible]?
4 Gidheadh do chuíreadar fios chu-
[illegible] ceithre huáire air an modhso, a-
[illegible] do fhreagrainnsi iad ar an ccor
[illegible].
5 Ann sin do chuir Sanballat a shear-
[illegible] chugam air an modh
[illegible] an cúigeadh huáir le litir oscuilte
iona láimh,
6 Iona raibh scríobhtha, Do hinn-
[illegible] a measg na ngeinteadh, agus a
[illegible] é, go bhfuil tusa agus na Iú-
[illegible] ar tí cogaidh do dhéanamh: An
[illegible] fa bhfuil tú ag déanamh an bhalla,
[illegible] go mbeitheá ad Rígh orra do réir
[illegible] mbriatharsa.
7 Agus dórduigh tú mar an gcéad-
[illegible] do sheanmóir ort féin ann Ie-
[illegible], gha rádh, atá Rígh ann Iúdah:
[illegible] inneosstar so don Rígh do
[illegible] mbriatharso: tárr anois ar a
[illegible], agus déanam comhairle
[illegible].
8 Ann sin do chuir misi scéula chuige,
[illegible] Ní dhéarnadh éinní don tsórt
[illegible] tú, acht tusa dá ccuma as do
[illegible] féin.
9 Agus do chuireadar uile eagla or-
[illegible], gha rádh, laigeochtar a lámha ó
[illegible] chor nach déantar í. Anois ar
[illegible] (ó a Dhia) neartuigh mo
[illegible].
10 Na dhiáigh sin tháinic mé go tigh
[illegible] mhic Delaiah, mhic Nehe-
[illegible], do hiadhadh a stigh; agus
a dubhairt seision, téamuid, teagmha-
[illegible] chéile a ttigh Dé, a stigh
[illegible] teampall, agus druideam doirsi an
[illegible]; óir tiucfaid siad dot mhar-
[illegible]; annsa noidhche a seadh thiuc-
[illegible] siad dot mharbhadh.
11 Agus a dubhairt misi, An tteith-
[illegible] duine mar misi? agus cía hé do-
[illegible] mar misi do rachadh don team-
[illegible] do dhídean a anma? ní racha mi-
[illegible].
12 Agus cheana do aithin mé nach é
Dia do chuir uadha é, acht gur thoillsigh
[illegible] an tairgireshi am aghaidh: óir dfos-
[illegible] Tobiah agus Sanballat é.
13 [illegible] do fúachuigheadh é, do
chur eagla orumsa, agus sin do dhéa-
namh, agus peacughadh, agus go bhfui-
ghedís cúis drochtháarascbhála le maís-
leochaidís mé.
14 O mó Dhía, smuáinsi ar Thobiah
agus ar Shanballat do réir a noibreacha,
agus ar an mbanfháidh Noadia, agus air
an ccuid oile dona fáighibh, ler mhian
eagla do chur orumsa.
15 Marsin do chríochnuigheadh an bal-
la annsa ccúigeadh lá fitihchiod [don
mhí] Elul, a ndá lá ar cháogad.
16 Agus tárla a nuáir do chúaluidh
ar naimhde uile sin, agus na huile
gheinte do bhí ar gach taobh dhinn, a
nuáir do choncadar na neithesi, do cui-
readh fios go mór íad iona súilibh féin:
óir do thuigeadar gurob ó ar Ndiane do
rinneadh a nobairsi.
17 Tuilleamh oile, do chuireadar uáis-
lé Iúdah annsna laethibh sin mórán lit-
reach go Tobiah, agus do thigdís litrea-
cha Thobiah chucasan.
18 Oir do bhí mórán ann Iúdah thug
mionna dhó, do bhrígh gur chliamhuin é
do Shechaniah mhac Arah; agus thug a
mhac Iohanan inghean Mhessullam mhic
Berechiah.
19 Dinnseadar fós a ngníomha maithe
am lathairsi, agus dinnsedis mo bhriath-
rasa dhó, agus do chuir Tobiah litrea-
cha úadha do chur eagla orumsa.

CAIB. VII.

*Do bórduigheadh gach neithe le crlon-
nachd. 5 Geinealuigh ⁊ uibhir na
ndaoine a ttainic as Baibilon.*

A Nois tárla a nuáir do bhí an balla
déanta, agus do chuir misi na doirsi
súas, agus na doirseóirigh, agus an
lucht ceóil, agus na Lebhitigh or-
duighthe.
2 Go ttug mé dom dhearbhrathair
Hanáni, agus do Hananiah uachdarain
an phaláis, cúram ós cionn Ierusalem:
(óir do bhí sé na dhuine fhírinneach, a-
gus eagla Dé air ós cionn mhóráin.)
3 Agus a dubhairt mé ríu, ná hos-
caltar geatadha Ierusalem nó go tté-
ighidh an ghrían; agus an feadh sheas-
fuid siadsan do leathtaóibh, druididis na
doirse, agus cuiridis barradha orra, a-
gus órduighidh lucht faire do áitreabha-
chaibh Ierusalem, gach éanduine iona
áit faire, agus gach áonduine do bheith
as cuinne a thighe féin.
4 Anois do bhí an chathair fairsing
mór, agus beagan daóine inte, agus níor
cuireadh na tighthe súas.
5 Agus do chuir mo Dhíasa ann mo
chroidhe na huáisle do chruinniughadh a
gcionn a chéile, agus na huachdaráin,
agus an pobal, chor go náireomhthaoi
iad le na ngineaiuch: agus fuáir mé
leabhar ginealuigh na meide tháinig a
níos a chéad uáir, agus fuáir mé scríobh-
tha annsin.

6 Asadso

6 Asiadso clann an phroibhinnse do
chuáidh súas as a ndaóirsine don luchd
rugadh ar siubhal, agus noch rug Ne-
buchaduessar Righ na Babiloine ar siu-
bhal, agus thangadar a rís go Hieru-
salem, agus go Iúdah, gach áon da
chathruigh féin.
7 Noch Tháinic le Serubbabel: Ies-
sua, Nehemiah, Asariah, Raamiah, Na-
hamani, Mordecai, Bilsan, Misperet,
Bigbhai, Nehum, Baanah; do bí so
uibhir dhaóine phobail Israel.
8 Clann Pharos, dhá mhíle céud agus
seachtmhodhad agus días.
9 Clann Shéphatiah, trí chéad seachd-
mhoghad agus días.
10 Clann Arah sé chéud cáogad agus
días.
11 Clann Phahat-Moab do chloinn Ies-
sua, agus Ioab, dhá mhíle agus ocht
ccéud agus a hochd déug.
12 Clann Elam, mhíle dhá chéud cáo-
gad agus ceathrar.
13 Clann Shattu ocht ccéud ceath-
rachad agus cúigear.
14 Clann Shaccai seacht ccéud agus
trí fithchid.
15 Clann Bhinnui, sé chéud ceathra-
chad agus ochtar.
16 Clann Bhebai, sé chéad fithche
agus ochtar.
17 Clann Asgad, dhá mhíle trí chéud
fithche agus días.
18 Clann Adonicam, sé chéud trí
fithchid agus móirsheisear.
19 Clann Bhigbhai, dhá mhíle trí
fithchid agus móirsheisior.
20 Clann Adin, sé chéud cáogad agus
cúigear.
21 Clann Ader ó Hesechiah, nóchad
agus ochtar.
22 Clann Hassum, trí chéad fithche
agus ochtar.
23 Clann Bhesai, trí chéud fithche
agus ceathrar.
24 Clann Hariph, céud agus dhá fhear
dhéag.
25 Clann Ghibeon nóchad agus
cúigear.
26 Fir Bhetlehem agus Netóphah,
céud ceithre fithchid agus ochdar.
27 Fir Anatot, céud, fithche agus
ochtar.
28 Fir Bhet-Asmabhet, ceathrachad
agus días.
29 Fir Chiriat-Iarim, Chephira, a-
gus Bheerot, seachd ccéad ceathrachad
agus triúr.
30 Fir Ramah, agus Gheba, sé chéud
fithche agus áon.
31 Fir Mhichmas, céud, fithche agus
días.
32 Fir Bhetel agus Ai, céud, fithche
agus triur.
33 Fir Nebo oile, cáogad agus cúi-
gear.
34 Clann an Elam oile, míle dhá
chéud cáogad agus ceathrar.
35 Clann Harim, trí chéad agus
fithche.
36 Clann Iericho, trí chéad ceath-
chad agus cúigear.
37 Clann Lod, Hádid, agus Ono,
seachd ccéad fithche agus áon.
38 Clann Shenaah, trí míle nai
ccéud agus tríochad.
39 Na sagairt clann Iedaia, ó thig
Iessua, naói ccéud seachdmhoghad agus
triúr.
40 Clann Immer, míle cáogad agus
días.
41 Clann Phassur, míle dhá chéad
ceathrachad agus móirsheisior.
42 Clann Harim, mhíle agus seacht
bhfir dhéag.
43 Na Lebhitigh: clann Iessua, ó
Chadmiel, agus do chloinn Hodebhah,
seachtmhogad agus ceathrar.
44 Na cantairigh clann Asaph, céad
ceathrachad agus ochtar.
45 Na doirseórigh clann Shallum, clann
Ater, clann Thalmon, clann Accub, clann
Hatita, clann Shobai, céad tríochad a-
gus ochtar,
46 Na Netinimigh: clann Shiha,
clann Hasupha, clann Thabaot,
47 Clann Cheros, clann Sia, clann
Phadon,
48 Clann Lebana, clann Hagaba, clann
Shalmai,
49 Clann Hanan, clann Ghiddel, clann
Ghahar,
50 Clann Reaiah, clann Resin, clann
Necoda,
51 Clann Ghassam, clann Ussa, clann
Phaseah,
52 Clann Bhesai, clann Mheunim,
clann Nephissesim,
53 Clann Bhacbuc, clann Hacupha,
clann Harhur,
54 Clann Bhaslit, clann Mhehida
clann Harsa,
55 Clann Bharcos, clann Shisera, clann
Thamah.
56 Clann Nesiah, clann Hatipha.
57 Clann sherbhiseach Sholaimh, clann
Shotai, clann Shopheret, clann Phe-
rida.
58 Clann Iaala, clann Darcon, clann
Ghiddel,
59 Clann Shephatiah, clann Hattil,
clann Phocheret ó Shebaim, clann
Ammon.
60 Na Netinimigh uile, agus clann
sherbhiseach Sholaimh, do badh trí
chéud nóchad agus días.
61 Agus dob iadso an mhéid mar
an ccéadna do chuaidh súas ó Thel-me-
lah, Thel-haressa, Cherub, Addon, agus
Immer: acht níor fheadadar tais-
a nathar dinnisin, nó a Tíol, an do Is-
rael iad.
62 Clann Delaiah, clann Thobiah,
clann Necoda, sé chéad ceathrachad agus
días.
63 Agus do na sagartuibh: clann
Habaiah,

Habaiah, clann Chos, clann Bharsillai, noch thug inghean do Bharsillai an Gileaditeach na mnaói, agus do goireadh iad do réir a nanma.

64 Díarradarío a seanchus a measg na muistire do háirmheadh tré na nginealadh, acht ní fríth é: uime sin mar dhaoine cáidheacha do cuireadh ón tsagartachd iad.

65 Agus a dubhairt an Tirsata riú, nach iosadís do na neithibh ro náomhta nó go néirgheadh sagart súas lé Hurim agus lé Tummim.

66 An comhchruinniughadh uile go hiomlán, budh ceathrachad agus dá mhíle trí chéad agus trí fichthid.

67 Táobh amuigh da nóglachaibh, agus da mbanóglachaibh, da raibh seacht míle trí chéad tríochad agus móirsheisior: agus do bhí dhá chéad cheathrachad agus a cúig dfearuibh ceóil, agus do mhnáibh ceóil aca.

68 A neich, seacht ccéad tríochad agus a sé: a múillidhe, dhá chéad ceathrachad agus a cúig.

69 A gcámhuill, ceithre chéud tríochad agus a cúig: sé mhíle seacht ccéud agus fiche assal.

70 Agus thug cuid do thogha na naithreadh chum na hoibre: thug an Tirsata chum a nionnmhuis, míle drama óir, caogad báisin, cúig agus tríochad culaidh shagairt.

71 Agus thugadar cuid do thogha na naithreadh chum stóir na hoibre, fithche míle drama óir, agus dhá mhíle agus dá chéad punta airgid.

72 Agus isé méid thug an chuid oile don phobal uatha, fithche míle drama óir, agus dhá mhíle punta airgid, agus trí fithchid agus seachd cculadhacha sagart.

73 Marsin do áitigheadar na sagairt, na Lebhitigh, agus na doirseóirigh, agus an tíos ceóil, agus cuid don phobal, agus na Netinimigh, agus Israel uile iona ccaithreachaibh; agus a nuáir tháinic an seachtmhadh mí, do bhádar clann Israel iona ccaithreachaibh.

CAIB. VIII.

Do ghuil an pobal ag éisteachd re dlighe Dé ó Esra. 9 Acht díarradh orra bí gairdeach.

AGus do chruinnigh an pobal íad féin a bhfochair a chéile amhuil áonduine annsa tsráid do bhí as coinne gheata a nuisge, agus do labhradar re Hesra an scríbhneóir do thabhairt leabhair dhlighe Maoise leis, noch do aithin an Tighearna do Israel.

2 Agus thug Esra an sagart an dligheadh as coinne an chomhchruinnigh fhear agus ban; an mhéid lear bhféidir a chlos maille re tuigsin, ar an ccéad lá don tseachtmhadh mí.

3 Agus do léigh sé ann, a bhfiadhnuisi na sráide do bhí as coinne geata a nuisge, ó mhaidin go meadhon laói a lathair na bhfear, agus na mban, agus na méide dféud a thuigsin, agus do bhádar clúasa an phobail uile aireach ar leabhar an dlighe.

4 Agus do sheas Esra an scríbhneoir ar chrannghaile do rinneadar déantoisc dó sin, agus re na tháobh do sheas Mattitiah, agus Sema, agus Urijah, agus Hilciah, agus Maaseiah ar a láimh dheis; agus air a láimh chlé Pedaiah, agus Missael, agus Malchiah, agus Hassum, agus Hasbadana, agus Sechariah, agus Mesullam.

5 Agus dfoscuil Esra an leabhar a radharc an phobuil uile (óir do bhí sé ós cionn an phobail uile) agus a nuáir dfoscuil sé é, do sheasadar an pobal uile súas.

6 Agus do bheannuigh Esra an Tighearna an Día mór: agus do fhreagair an pobal uile, Amen, Amen, ag tógbháil a lamh súas: agus do chromadar a ccinn, agus do adhradar an Tighearna le na naighthibh chum na talmhan.

7 Mar an ccéadna thug Iessua, agus Báni, agus Sherebiah, Iamin, Acoub, Sabbetai, Hodiiah, Maaseiah, Celita, Asariah, Iosabad, Hanan, Pelaiah, agus na Lebhitigh, ar an bpobal an dligheadh do thuigsin: agus do sheasadar na daóine iona náit.

8 Marsin do léigheadar annsa leabhar dligheadh Dé go soilléir, agus thugadar a chíall uatha, agus thugadar orra an leightheóireacht do thuigsin.

9 Agus Nehemiah, noch asé an Tirsata, agus Esra an sagart an scríbhneóir, agus na Lebhitigh do theagaisc an pobal, a dubhradar ris an bpobal uile, Atá an lá a niugh náomhtha don Tighearna bhur Ndía, ná déanuidh doilghios nó gul: óir do ghuil an pobal uile a nuáir do chúaladar bríathra an dlighe.

10 Ann sin a dubhairt sé ríu, imthighidh romhuibh, ithidh an méathus, agus ibhidh an mhillsi, agus cuirigh roinn chum na druinge dá nar hullmhuigheadh éinní, óir atá an láso náomhtha dar TTighearna: narab mó bhías doilghios oruibh; óir isé gáirdeachus an Tighearna bhur neart.

11 Marsin do choisgeadar na Lebhitigh an pobal uile, gha rádh, bíthí bhur ttochd, óir atá an lá naomhtha, agus na bíthí dóbrónach.

12 Agus dimthigheadar an pobal uile rompa dithe & dól, & do chur ronn[illegible] úatha, & do dhéanamh sóláis mhóir, do bhrígh gur thuigeadar na bríathr[illegible] do foillsigheadh dhóibh.

13 Agus ar an dara lá do ch[illegible]nigh a bhfocair a chéile togha na [illegible]threadh, na sagairt, agus na Lebhitigh [illegible] Hesra an scríbhneóir, eadhon do [illegible]igsin bhriathar an dlighe.

14 Agus fuaradar so [illegible]htha annsa dligheadh, noch do [illegible] an Tighearna tré

tré Mhaóise, go ndeindís clann Israel
comhnuigh a mbothuibh a bhféasta an
seachtmhadh mí.
15 Agus go bhfoillseochaidís, agus go
bhfuáigeoradís iona ccaithreachaibh, agus
ann Jerusalem, dha rádh, éirghidhe a-
mach fan tsliabh, agus tugaidh libh cráo-
bha do chrann ola, agus géaga pín-
chroinn, agus cráobha Mirtil, agus cráo-
bha pailme, agus beangáin do chrannuibh
tiugha, dó dhéanamh botha, mar atá
scríobhtha.
16 Marsin do chuáidh an pobal amach,
agus thugadar léo íad, agus do rinneadar
botha dhóibh féin, gach áon ar mhul-
lach a thighe féin, agus iona ccúirtibh, a-
gus a ccúirtibh thighe Dé, agus a sráid
gheata a nuisge, & a sráid gheata Ephraim.
17 Agus do rinneadar an comhchruin-
niughadh uile, an mhéid tháinic a rís as
a ndáoirsine dhíobh, botha, agus do shui-
gheadar faói na bothuibh: ó láethibh Je-
sua mhic Nun go nuige an lásin ní dhéar-
nadar clann Israel marsin: agus do bhí
goghairdeachus mór annsin.
18 Marsin lá ar lá ón ccéadlá go
nuige an lá deighionach, do léigh sé a
leabhar dlighe Dé: agus do chonng-
mhadar an féasta seachd lá, agus ar a
nochtmhadh lá do bhí óireachdus sólla-
monta do réir an ghnátha.

CAIB. IX.

Na Bhúduighe na neisiomlar aithreachuis.

ANois annsa cheathramhadh lá fith-
chiod don mhí, do chruinnigheadar
clann Israel do throscadh maille re saicéa-
duighibh, agus cré orra.
2 Agus do dhealuidh sliochd Israel íad
féin ó gach uile choimhightheach, agus
do sheasadar, agus do admhadar a bpea-
cuigh, agus cionta a naithreach.
3 Agus do sheasadar súas iona náit,
agus do léigheadar a leabhar dlighe a
TTighearna Día an ceathramhadh cuid
don ló, agus an ceathramhadh cuid óile
ag admháil a bpeacadh, agus do adhradar
a TTighearna Día.
4 Annsin do sheasadar súas ar staidh-
readhuibh na Lebhiteach, Jeshua, a-
gus Báni, Cadmiel, Sebaniah, Bunni,
Serebiah, Báni, agus Chenani, agus
do éigheadar do ghuth árd ar a TTi-
ghearna an Día.
5 Annsin a dubhradar na Lebhitigh,
Jeshua, agus Cadmiel, Báni, Hasabniah,
Serebiah, Hodijah, Sebaniah, agus Pe-
tahiah, Seasuidh súas, agus beannui-
gidh bhur TTighearna Día a saoghal
na saoghal, agus go madh beannuigh hai-
nm [illegible]mhar (a Dhé) noch atá ár nár-
dugh[illegible] ós cionn gach uile bheannuigh-
the ag[illegible]mholta.
6 Tusa[illegible]dhon tusa amháin, is Tigh-
earna ann[illegible]ú do rinne neamh, flaith-
eas na bhflaith[illegible] maille re na sluagh uile,
an talamh agus [illegible] huile neithe dá bhfuil
ann, an fairge[illegible]dha agus a nuile ní dá
bhfuil ionta, agus cumhduighidh tusa íad
uile, agus adhruidh sluagh nimhe thú.
7 Is tú an Tighearna Día, noch do
thogh Abram, agus thug amach é a
Ur na Ccaildeanach, agus thug Abra-
ham dainm air:
8 Agus fuair tú a chroidhe firinneach
ad fhiaghnuise, agus do rinne tú
cunnradh ris, dúithche na Ccanan-
teach, agus na Hittiteach, agus na
Namoriteach, agus na Bpherisiteach, a-
gus na Jebusiteach, agus na Girgas-
teach do thabhairt dá shíol, agus do
chomhuill tú do bhríathra: óir atá tú
firéanta:
9 Agus do chonnairc tú pían ar na-
threadh san Négipt, agus do chúala tú
a néigheamh ag an muir ruáidh:
10 Agus do thaisbéin tú comhartha-
dha, agus ionganta air Pharao, agus
air a mhuintir uile, agus ar dhaóinibh
a thíre uile: óir do bhí a fhios agad
go ndéarnadar go huaibhreach na a-
ghuidh: fuair tú marsin ainm duit
féin, mar atá a niugh.
11 Agus do roinn tú a nfairge rompa,
iondus go ndeachadar tré mheadhon
na fairge air thalamh tirim, agus ar
theilg tú luchd a bhfoileanmhana annsa
haigéanuibh amhuil chloich annsa hui-
geadhuibh neartmhara.
12 Tuilleamh oile, do threoraigh tú
íad san ló le piléur néullamhail, agus
annsa noidhche le piléur teineadh, do
thabhairt soltúis dóibh annsa tslighe na
rachaidís.
13 Tháinic tú a nuas mar an gcéadna
ar sliabh Sínai, agus do labhair tú rís
neamh, agus thug tú breitheamhnais
chearta dhóibh, agus dlighthe fíre, re-
chta agus aitheanta maithe.
14 Agus dfoillsigh tú dhóibh do sa-
bóid náomhtha, agus dfuagair tú dhóibh
aitheanta, reachda, agus dlighthe, le
láimh Mhaoise do sherbhísigh.
15 Agus thug tú dhóibh arán ó neamh
iona nocarus, agus thug tú uisge amach
chuca as an ccarruic chum a ttarta, agus
do gheall tú dhóibh go rachaidís i-
steach a seilbh na tíre, noch do mh-
onnuigh tú do bhéartha dhóibh.
16 Acht do rinneadar féin agus ar
naithrene go hanuáibhreach, agus do
chrúadhuigheadar a muinél, agus níor
umhluigheadar dot aitheantuibhse.
17 Agus do dhíultadar umhlughadh,
agus ni rabhadar cuimhneach ar na hio-
ghantuibh do rinne tusa na measc: acht
do chruáidheadar a muinéil, agus iona
cceannairc do órduigheadar caiptín chum
iompógh dá ndaóirsine féin: acht is Día
thusa réigh chum maithmheachais, gr-
ámhuil, agus trócaireach, mall chum
feirge, agus lán do chinéil, agus níor
threig tú íad
18 A nuáir fós do rinneadar
láogh leaghtha dhóibh féin, agus a
dubhradar, isé so do Dhía thug amach thú

thú as an Négipt, agus doibrigheadar
mórán brosnighthe.
19 Tairissin tusa ann hiomad tró-
caire, nior threig tú iad ansa bhfá-
sach: nior dhealuigh piléur an neóill
ríu do ló, dha ttreorughadh annsa
slighe, nó piléur na teineadh san noidhche
do thaisbeanadh soluis dóibh, agus na sli-
gheadh ionar chóir dhóibh dul.
20 Thug tú mar an ccéadna do spi-
orad maith chum a tteagaisc, agus
níor chonnuimh tú do Mhanna ó na
mbéul, agus thug tú uisge dhóibh chum
a ttarta.
21 Do chothuigh tú fós ceathrachad
bliadhuin iad annsa bhfásach, iondus
nach raibh einní deasbhuidh orra; níor
chríon a néadach, agus níor atadar a
ccosa.
22 Tuilleamh fós, thug tú riogha-
chta agus cineadhacha dhóibh, agus do
roinn tú iad a ccoirnéuluibh: marsin
do shealbhuigheadar tír Shihon, agus
dúithche Rígh Hesbon, agus dúithche
Og Rígh Basan.
23 Do fhoirlíon tú a cclann mar an
ccéadna amhuil réultanna a naiéir, agus
thug tú don tír iad, a ttaobh a ttug
tú gealladh dhá naithribh go rachaidís
a steach dá sealbhughadh.
24 Mar sin do chúadar an chlann a
steach, agus do shealbhuigheadar an
dúithche, & do chlaóidh tusa dhóibh ái-
treabhuigh na tíre, na Cananitigh, agus
thug tú iona lámhuibh iad, maille re na
Ríghthibh, agus re dáoinibh na tíre, go
ndéandís ríu mar do thoigeóraidís féin.
25 Agus do ghabhadar caithreacha
daingne, agus dúithche mhéith, agus
do shealbhuigheadar tighthe lán don nuile
mhaóin, toibreacha tochuilte, fíneamh-
nacha agus lubhghoirt ola, agus croinn
thoruidh go lór, iondus gur itheadar, agus
gur líonadh iad, agus gur fhásadar
méith, agus gur shólásuigheadar iad féin
ann do mhaitheas mórsa.
26 Thairis sin do bhádar easumhal,
agus do chathuigheadar ad haghaidh-
si, agus do theilgiodar do dhligheadh
tiobh siar dá ndruim, agus do mhar-
bhadar thfáighe, noch do níodh fiadh-
nuise na naghaidh dá bhfilleadh chugad-
sa, agus do oibrigheadar gliúasachta
móra.
27 Uime sin do sheachuid tusa iad a
láimh a námhad; noch do ghortuigh
iad: agus a naimsir a naindeisi a nuáir
do éigheadar ortsa, do chúala tú ó
fhlaitheas iad; agus do réir iomaid
do thrócaire thug tú luchd cabhartha
dhóibh, noch do shaor iad as láimh a
námhad.
28 Acht tar éis socamhuil dfagháil
dóibh, do rinneadar a rís olc ad fhiadh-
nuisi: uimesin dfág tú a láimh a námhad
iad, iondus go raibh úachdaranachd aca
orra: ar a shonso a nuáir do fhilleadar,
agus déigheadar ortsa, do chuala tú ó
neamh iad. agus do shaor tú mórán duái-
ribh iad do réir do thrócaire.
29 Agus do nítheá fiadhnuisi na
naghaidh, iondus go bhféadfá a ttabhairt
a rís sad dhligheadh: do rinneadar fós
go huáibhreach, agus níor éisteadar red
aitheantuibhse, acht do pheacuidheadúr
a naghaidh do bhreitheamhnusa (noch
má ní duine, mairfidh sé ionta,) agus do
tharruingeadar chuca a nguaille, agus
do cruáidhigheadar a muinéil, agus níor
bhaill léo éisdeachd.
30 Gidheadh díomchuir tusa léo ar
feadh mórain bliadhan, & dfiadhnuigh tú
na naghaidh led spiorad ann thfáighibh,
achd níor éisteadar: uimesin thug tú
iad a láimh mhuintire na dúithche.
31 Thairis sin ar son do thrócaire
móire níor dhíthlaithrigh tú thríd a
mach iad, níor thréig tú iad; óir is
Día grasamhuil trócaireach thú.
32 Anois ar a nadhbharsin, ó ar
Ndiane, an Día mór cumhachtach, a-
gus an Día úathbhásach, noch choimh-
líonus cunnradh agus trócaire; na
mímheastar ad lathair, an buáidhreadh,
noch tháinic oruinne, air ar Ríoghuibh,
air ar bprionnsadhuibh, agus air ar sagar-
tuibh, agus air ar bhfáighibh, agus air ar
naithribh, agus ar do phobal uile, ó aim-
sir Rígh na Hassiria gus a niugh.
33 Acht cheana atá tusa ceart ann
gach ní dá ttáinic oruinn: óir do rinne
tú cóir, & do rinneamairne go ciontach.
34 Agus níor chongmhadar ar Ríghthe
nó ar bprionnsadha, ar sagairt nó ar
naithre, do dhligheadh, agus níor umh-
luigheadar dot haitheantuibh, nó dot
fhiaghnuisighibh, ler fhiaghnuidh tú na
naghaidh.
35 Oir ní dhéarnadar foghnamh dhuit
ann a rioghacht, agus ar son do mha-
itheasa móire thug tú dhóibh, agus ar
nfearuinn fhairsing mhéith do chuir tú
as a ccuinne, níor fhilleadar ó na
ndrochoibreachaibh.
36 Féuch, atámaóid ar serbhiseachaibh
a niugh, agus an fearann thug tú dar
naithribh, dithe a thoruidh, agus a mhai-
theasa, féuch atámaóidne ar serbhisea-
chaibh ann.
37 Agus is mór an tarbha do bheir
sé do na Ríoghuibh noch do chuir tú ós
ar ccionn ar son ar bpeacuidh: atá fós
tighearnus aca ós cionn ar ccorp, agus
ós cionn ar náirnéise air a ttoil féin, agus
atámaóidne a namhghar mhór.
38 Agus da bhrígh so uile, do nímid
cunnradh daingean, agus scríobhtham
é, agus cuirfid ar bprionnsadha, ar Lebh-
ítigh, agus ar sagairt séula air.

CAIB. X.

*Anmanna na ndaoine do dhaingnidh cun-
nradh re Día. 29 Brígh an chunnraidh.*

ANois dob iadso an dream do chuir an
séula; Nehemiah an Tirsata, mac
Hachaliah, agus Sidciiah.
2 Seraiah, Asariah, Jeremiah,
3 Pashur, Amariah, Malchiiah.

4 Hattus, Sebaniah, Malluch,
5 Harim, Merimot, Obadiah,
6 Daniel, Ginneton, Baruch,
7 Meſullam, Abiiah, Miiamin,
8 Maaſiah, Bilgai, Semaiah: dob
iadſo na ſagairt.
9 Agus na lebhítigh: Ieſſua mhac A-
ſaniah, Binnui, do chloinn Henadad,
Cadmiel.
10 Agus a mbráithre, Sebaniah, Hod-
iah, Celita, Pelaiiah, Hanan,
11 Mícha, Rehob, Haſſabiah,
12 Saccur, Serebiah, Sebaniah.
13 Hodiiah, Bani, Beninu.
14 Roighne an phobail, Paros, Pahat-
Moab, Elám, Sattu, Bani,
15 Bunni, Asgad, Bebai,
16 Adoniiah, Bigbhai, Adin,
17 Ater, Hisciiah, Aſſur,
18 Hodiiah, Haſſum, Beſai.
19 Hariph, Anatot, Nebai,
20 Magpias, Meſullam, Heſir,
21 Meſeſabeel, Sadoc, Jaddua,
22 Pelatiah, Hanan, Anaiah,
23 Hoſea, Hananiah, Haſub,
24 Hallohes, Pileha, Sobec,
25 Rehum, Haſabnah, Maaſeiah,
26 Agus Ahiiah, Hanan, Anan,
27 Malluch, Harim, Baanah.
28 Agus an chuid oile don phobal,
na ſagairt, na lebhítigh, na doir-
ſeóirigh, an lucht ceóil, na Netini-
migh, agus a nuile dhuine dar dhealuidh
ſad féin as muintir na ttiórtha chum
dlighe Dé, a mná, a mic, agus a nin-
gheana, gach áon ar bhfaghail éoluis,
agus tuigſiona.
29 Do cheangladar ré na ndearbh-
ráithribh, a ndaóine uáiſle, agus do
chuadar fa mhallughadh, agus fa mhi-
onnuibh, ſiubhal a ndligheadh De, noch
thug Maóiſe ſearbhoghantuigh De úadh,
agus do choimhéud, agus do dhéanamh a
nuile aitheanta an Tighearna ar Ttigh-
earnainne, & a bhreitheamhnuſa, agus
a reachta.
30 Agus nach ttiubhraimís ar ningh-
eana do dhaóinibh na tire, agus nach
ttiubhraidís a ningheanaſan dar macaibh.
31 Agus má bheirid muintir na
tíre léo earradh nó biadh ar bith anſa
tſaboid dá reic, nach cceinneochaimaiſ-
ne é annſa tſabboid, nó ſan ló naomhtha,
agus go léigfimis an ſeachdmhadh blia-
adhan dínn, agus coímhéigniughadh gach
uile fhiach.
32 Do rinneamar mar an ccéadna
órduighthe dhúinn fein, an treas cuid do
ſhecel do chur dfiachaibh oruinn féin ga-
cha bliadhna, chum ſerbhiſe thighe ar Ndé.
33 Chum a naráin taiſbéanta, agus
chum na hofrála gnáthuigh bídh, agus
chum na hofrála gnáthuigh loiſge na ſab-
bóideadh, na ngealach nuadh, agus chum
na bhféaſtadh cinnte, agus chum na
neitheann naomhtha, agus chum na nofrá-
lach peacuídh, do dhéanamh ſíothchána
ar ſon Iſrael, agus chum uile oibre
thighe ar Ndé.
34 Agus do theilgiomar cranncha
meaſg na ſagart, agus na lebhítigh
agus an phobail, a ttáobh na ...
connaigh, dá tabhairt go tigh ar Ndé
do réir thightheadh ar naithreadh,
nam cinnte ó bhliadhuin go bliadhuin,
do loſcadh ar Altóir ar Ttighear-
na, mar atá ſé ſcríobhtha ſan dligh-
eadh.
35 Agus do thabhairt céadthoruidh
bhfearuinn, agus céadtoruidh uile tho-
ruidh na nuile chrann, ó bhliadhuin
go bliadhuin chum tighe an Tighearna.
36 Mar an ccéadna cédghin ar mac
agus ar náirnéiſe (mar atá ſcríobhtha
ſan dligheadh) agus primídil ar ael-
bhadha agus ar ttréad do thabhairt go
tigh ar Ndé chum na ſagart do ní mi-
nioſtralacht a ttigh ar Ndé.
37 Agus go ttiubhraimís primídil ar
ttaóis, agus ar nofrála, agus toradh a
nuile ſhórt crann, dfíon agus ola
chum na ſagart go ſéomradhuibh thighe
ar Ndé, agus deachmhadha ar bhfea-
ruinn do na Lebhitibh, chor go
bhfuighedís na lebhítigh ſin deachmhadha
ann uile chaithreachuibh ar ttreabhtha.
38. Agus biáidh an ſagart, mac A-
roin maille ris na Lebhitibh, a mair
ghlacfuid na lebhítigh deachmhadh:
& do bhéuruid na Lebhitigh deachmhadh
na ndeachmhadha ſúas go tigh ar Ndé
do na ſéomradhuibh go tigh an ſtóra.
39 Oír béaruid clann Iſrael, agus
clann Lebhi ofráil a narbha, a fíona
nuáidh, & na hola do na ſéomradhuibh
mar a bhfuilid ſoithighe na ſanctáir,
agus na ſagairt mhinioſtralus, agus na
doirſeóirigh, agus an luchd ceóil: agus
ní thréigfemne tigh ar Ndé.

CAIB. XI.

Luchd áitiughadh Jeruſalem. 20 ...

AGus do chomhnuigheadar uachtarán
an phobail ann Jeruſalem: do
chaith an chuid oile fós don phobal
crannchair, do thabhairt duine as
deithneamhar do chomhnuigh ann Jeru-
ſalem, an chathair náomhtha, agus
náoi gcuid a ccaithreachaibh (oile.)
2 Agus do bheannuigh an pobal na
daóine uile do thairg íad féin go hu-
mhal do chomhnuighe ann Jeruſalem.
3 Anois is íadſo rogha an phroibhinſ
do rinne comhnuidh ann Jeruſalem: acht
a ccaithreachaibh Judah do rinne gach
áon comhnuigh iona ſheilbh féin ann a
ccaithreachaibh, (eadhon) Iſrael, na ſag-
airt, & na lebhítigh, agus na Netinimigh,
agus clann ſhearbſhoghantadh Sol-
uimh.
4 Agus do chomhnuigheadar drong
áirigh do chloinn Júdah ann Jéruſalem,
agus do chloinn Bhenjamin: do chloinn
Judah; Ataiah mhac Uſſiah, mhic Se-
chariah, mhic Amariah, mhic Sepha-
tiah, mhic Mahalaleel, do chloinn
Peres;
5 Agus

5 Agus Maaseiah mhac Baruch, mhic Col-hoseh, mhic Hasaiah, mhic Adaiah, mhic Joiarib, mhic Sechariah, mhic Siloni.

6 Mic Pheres uile, noch do chomhnuidh ann Jerusalem, do bhádar ceithre chéad trí fithchid agus ochtar do dhaoinibh gaisgeamhla.

7 Agus is iadso mic Bhenjamin: Sallu mhac Messulam, mhic Ioed; mhic Pedaiah, mhic Colaiah, mhic Maaseiah, mhic Itiel, mhic Jesaiah.

8 Agus na dhiaighsin, Gabai, Sallai, naoi ccéad fithche agus ochtar.

9 Agus dob é Joel mhac Sichri do bhí ós a ccionn; agus bá hé Judah mhac Sénua an dara (duine) ós cionn na caithreach.

10 Do na sagartuibh: Jedaiah mhac Joarib, Jachin.

11 Seraiah mhac Hilciah, mhic Messullam, mhic Sadoc, mhic Meraiot, mhic Abitub, dob úachtarán ar thigh Dé.

12 Agus a ndearbhráithre, noch do rinne obair an tighe, do budh ocht ccéad fithche agus dias iad: agus Adaiah mhac Jeroham, mhic Pelaliah, mhic Amsi, mhic Sechariah, mhic Passur, mhic Malchiiah,

13 Agus a dhearbhráithre rogha na naithreadh, dhá chéud ceathrachad agus dias; agus Amasai mhac Asareel, mhic Ahasai, mhic Messillemot, mhic Immer,

14 Agus a ndearbhráithre daoine árrachta a ccródhacht, céud, fithche agus ochtar: agus budh é Sabdiel do bhí ós a ccionn, mac aóin do na dáoinibh móra.

15 Mar an ccéadna do na Lebhitibh: Semaiah mhac Hassub, mhic Asricam, mhic Hassabiah, mhic Bunni.

16 Agus Sabbetai, agus Josabad do thogha na Lebhíteach do bhí ós cionn ghnothuigheadh fhoiriomlach thighe Dé.

17 Agus Mattaniah mhac Micha, mhic Sabdi, mhic Asaph príomhdhuine do thosughadh bheirthe buidheachuis a nguidhe: agus Bacbuciah an dara (duine) a measc a dhearbhráithreach, agus Abda mhac Sammuah, mhic Galal, mhic Ieduthun.

18 Na Lebhitigh uile annsa chathruigh náomhtha, do bhádar dhá chéad ceithre fithchid agus ceathrar.

19 Mar an ccéadna fós na doirseóirigh, Accub, Talmon, agus a ndearbhráithre, noch choimhéad na geatadha, do bhádar céad seachtmhoghad agus dias.

20 Agus an chuid óile do Israel, do na Sagartuibh, agus do na Lebhitibh, do bhádar a ccaithreachaibh Júdah uile, gach aon iona oighreacht féin.

21 Acht do áitigheadar na Netinimigh ann Ophel: agus Siha, agus Gispa do bhí ós cionn na Netinimeach.

22 Agus ós cionn na Lebhíteach ann Jerusalem do bhí Ussiah mhac Bani, mhic Hassabiah mhic Mattaniah, mhic Micha; do mhacaibh Asaph, an lucht ceóil do bhí ós cionn ghnothuigheadh thighe Dé.

23 Oir do bhí aithne an Rígh dhá ttaobh go mbeith cuid ronna áirigh re haghuidh an lucht ceóil gach aonla.

24 Agus Petahiah mhac Messesabeel, do chlannuibh Serah, mhic Júdah, do bhí sé re láimh an Rígh ann sa nuile chúis a ttaobh an phobail.

25 Agus ar son na mbailteadh go na machairighibh; do chomhnuigh cuid do chloinn Júdah ann Ciriat-arba agus iona bailtibh, agus ann Dibon agus iona bailtibh, agus ann Jecabseel agus iona bailtibh.

26 Agus ann Jessua, & ann Moladah, agus ann Betphelet,

27 Agus ann Hasar-Sual, agus ann Beerseba, agus iona bailtibh,

28 Agus ann Siglag, agus ann Meconah, agus iona bailtibh,

29 Agus ann En-Rimmon, agus ann Sareáh, agus ann Jarmuth,

30 Sanoah, Adullam, agus iona mbailtibh; a Lachis agus iona machairibh sin; ann Asecah, agus iona bailtibh: agus do áitigheadar ó Bheerseba go gleann Hinnom.

31 Clann Bhenjamin mar an ccéadna ó Gheba, do áitigheadar a Michmas, agus Aiiah, Agus Betel, agus iona mbailtibh.

32 Agus ann Anatot, Nob, Ananiah,

33 Hasor, Ramah, Gittaim,

34 Hadid, Seboim, Neballat,

35 Lod, agus Ono, gleann na bhfear ceirde.

36 Agus do bhí roinn do na Lebhitibh ann Júdah, agus ann Benjamin.

CAIB. XII.

Sliocht na Sagart. 27 & féusta choisreagtha an bhaile.

ANois is iad na sagairt, agus na Lebhítigh do chuaidh súas le Serubbabel, mhac Sealtiel, agus Jessua: Seraiah, Jeremiah, Esra,

2 Amariah, Malluch, Hattus,

3 Schecaniah, Rehum, Merimot,

4 Iddo, Ginneto, Abiiah,

5 Miamin, Maadiah, Bilgah,

6 Semaiah, agus Joarib, Jedaiah,

7 Sallu, Amoc, Hilciah, Jedaiah: dob iad so togha na sagart agus a ndearbhrathar a laethibh Jessua.

8 Os a chionn sin, na lebhitigh: Jessua, Binnui, Cadmiel, Serebiah, Júdah, agus Mattaniah, noch do bhí ós cionn an naltuigh, é féin agus a dhearbhráithre.

9 Mar an ccéadna Bacbuciah, agus Unni, a ndearbhráithre, do bhádar as a ccoinne thall annsa bhfaire.

10 Agus do ghein Jessua Joiacim, do ghein Joiacim mar an ccéadna Eliasib, agus do ghein Eliasib Joiada.

11 Agus do ghein Joiada Jonatan, agus do ghein Jonatan Jaddua.

12 Agus a laethibh Joiacim do bhádar

dar ſagairt príomhchuid do na haith-
ribh : ó Sheraiah, Meraiah ; ó Jere-
miah, Hananiah.
13 O Eſra, Meſſullam ; ó Amariah,
Jehohanan.
14 O Mhelicu, Ionatan : ó Sheba-
niah, Jóſeph ;
15 O Harim, Adna : ó Mheraiot, Helcai,
16 O Iddo, Sechariah : ó Ghinnetón,
Meſſullam.
17 O Abijah, Sichri : ó Mhiniamin,
ó Mhoadiah, Piltai :
18 O Bhilgah, Sammua : ó Shema-
iah, Jehonatan :
19 Agus ó Joiarib, Mattenai ; ó Ie-
daiah, Uſſi :
20 O Shallai, Callai ; ó Amoc, Eber.
21 O Hilciah, Haſſabiah ; ó Jedaiah,
Netanael.
22 Na Lebhitigh a láethibh Eliaſib
Joiada, agus Johanan, agus Jaddua, do
ſcríobhadh íad mar cheann air na haith-
ribh ; na ſagairt mar an cceadna go
láethibh Dárius an Perſianach.
23 Do ſcríobhadh mic Lebhi cinn
na naithreadh a leabhar na croinice,
eadhon go laéthibh Johanan mhic Eliaſib.
24 Agus cinn na Lebhíteach : Haſ-
ſabiah, Serebiah, agus Jeſſua mhac Cad-
miel, maille re na ndearbhráithribh
thall as a ccuinne, do mholadh agus do
bhreith buidhe do réir aithne Dháibhi
ógluigh Dé, faire as coinne faire.
25 Dob íad Mattaniah, agus Bacbu-
ciah, Obadiah, Meſſullam, Talmon,
Accub, bá doirſeóirigh ag coimhead na
faire ag tairſeachaibh na ngeatadh.
26 Iſſad ſo do bhí a láethibh Jo-
Jacim mhic Ieſſua, mhic Ioſadac, a-
gus a láethibh Nehemiah an túachta-
rán, Eſra an ſagart agus an ſcribhneóir.
27 Agus ag coiſreagadh bhalladha
Ieruſalem, diarradar na Lebhítigh
as a náitibh uile, dá ttabhairt go
Hieruſalem, do choimhéud fhéaſta an
choiſreagtha re luathgháir, maille re
breith bhuidhe, agus le céol, le cim-
baluibh, le ſaltrachaibh, agus le
cláirſeachuibh.
28 Agus do chruinnigheadar clann a
naoſa ceoil íad féin a ccionn a cheile,
as an réiteach a ttimchioll Ieruſalem,
agus ó bhailtibh Netophati.
29 Mar an gcéadna ó thigh Ghil-
ghal, agus as machairighibh Gheba, a-
gus Aſmabhet : óir do rinneadar an
táos ceóil bailte dhóibh féin fa ccuáirt
timchioll Ieruſalem.
30 Agus do ghlanadar na ſagairt
agus na Lebhítigh íad féin, agus do
ghlanadar an pobal, agus na geatadha,
agus an balla.
31 Annſin thug miſi ſúas prionnſadha
Iúdah ar an mballa, agus dórduigh mé
dhá chuideachda dhíobh ar an láimh
dheis air an mballa go geata a naóilligh.
32 Agus na ndiáigh ſin do chuaidh
Hoſáiah, agus leath phrionnſadha Iúdah,
33 Agus Aſariah, Eſra, agus Me-
ſullam.
34 Iudah, agus Benjamin, agus Se-
maiah, agus Jeremiah,
35 Agus cuid áirigh do mhacaibh
na ſagart, go ttrumpadhuibh : Sechariah
mhac Ionatan, mhic Semaiah, mhic
Mattaniah, mhic Michaiáh, mhic Sac-
cur, mhic Aſaph :
36 Agus a dhearbhráithre, Semaiah,
agus Aſarael, Milalai, Gilalai, Maai,
Netanael, agus Júdah, Hanani, maille
re adhbhadhuibh ciúil Dháibhi, óglaigh
Dé, agus Eſra an ſcribhneóir rompa.
37 Agus ag geatá an tobair, noch
do bhí thall as a ccoinne, do chúadar ſúas
a ſtaighrighibh chaithreach Dháibhi, ag
dul ſúas an bhalla, ós cionn tighe
Dháibhi, eadhon go nuige geata a nui-
ge leath ſhoir.
38 Agus an chuideachda oile dhíobh
noch thug buidhbeachus, do chuadar
anonn air a naghaidh, agus miſi na
ndiáigh, agus leath na ndaóine air an
mballa, ón táobh thall do thor na
bhfuirnéiſeach go nuige an mballa
leathan.
39 Agus ón taobh ſhúas do gheata
Ephraim, agus táobh ſhúas don ſe-
ingheata, agus táobh ſhúas do gheata
a néiſc, agus do thor Hananeel, agus
do thor Meáh, go nuige geata na cao-
rach ; agus do ſheaſadar na coimhaigh
ag geata an phríoſúin.
40 Marſin do ſheaſadar an dá chui-
deachta dhíobh thug buidheachus a
ttigh Dé, agus miſi, agus leath na
núachdarán maille riom :
41 Agus na ſagairt, Eliacim, Ma-
aſeiah, Miniamin, Michaiah, Elio-
nai, Sechariah, agus Hananiah maille
re ſtocuibh :
42 Agus Maaſeiah, agus Semaiah agus
Eleaſar, agus Uſſi, agus Iehohanan,
agus Malchijah, agus Elam, agus E-
ſer : agus do chanadar an táos ceóil
go hárd maráon le Ieſrahiah a núa-
chdarán.
43 An láſin mar an gcéadna,
dofráladar íodhbartha móra, agus do
gháirdigheadar : óir thug Día orra
gáirdeachus do dhéanamh lé ſólás mór ;
agus do rinneadar na mná, agus na
leinibh mar an gcéadna lúathgháir,
iondus gur chlos gáirdeachus Ieruſalem
a ccéin.
44 Agus fa namſin do hordaigheadh
drong ós cionn na ſéomradh do na
hionnmhuſuibh, do na hofraluibh, do na
primidilibh, agus do na deachmhadh-
uibh, dá ccruinniughadh chuca as ma-
chairighibh na ccaithreach, cuid roinn
dhliſdeanach do na ſagartuibh, agus do
na Lebhítibh ; óir do gháirdigh Iúdah
ar ſon na ſagart agus na Lebhíteach do
bhí ag feithiomh.
45 Agus do choimhéadadar an lucht
ceóil, agus na doirſeóirigh faire a
Ndé,

Nidé, agus faire an ghlanta, do réir
aithne Dhaibhi, agus a mhic Solamh.
46 Oír a láethibh Dháibhi, agus
Aſaph ſan tſeanaimſir do bhídis úachd-
aráin air an lucht ceóil, agus dánta molta
agus buidheachus do Dhia.
47 Agus thug Iſrael uile úatha a
láethibh Sherubbabel, agus a láethibh
Nehemiah cuid ronna a náoſa ceóil,
agus na ndoirſeóireadh, cuid gach aon
lá: agus do náomhaidís neithe do na
Lebhitibh, agus do naomhaidís na Le-
bhitigh do chloinn Aaron.

CAIB. XIII.

Léighidh Nehemiah ar mbloghnaighthibh na Rígheachta; 10 na Heagluiſe; 23 ér na iomghlach.

Ar an lá ſin do léigheadar a leabhar
Mhaóiſe a néiſteacht an phobail;
agus frith ſcríobhtha annſin, nach
tiucfadh an Tammoníteach, agus an
Moabíteach a ccomhchruinnlúghadh Dé
go bráth;
2 Do bhrígh nar airciſeadar clann
Iſrael le harán agus le huiſce, acht Ba-
laam do lúachughadh na naghaidh dá
mallughadh: acht chéana diompóigh ar
Ndia-ne an mallughadh na bheannughadh.
3 Anois tárla a nuair do chúaladar
an dlígheadh, gur dhealuigheadar as Iſ-
rael an drong chumuiſc uile.
4 Agus roimheſo do bhí Eliaſib an
ſagart, agá raibh feithiomh ós cíonn
ſheomra thighe Dé, a ccleamhnus re
Tóbiah.
5 Agus do ghléus ſé ſeomra mór dhó,
mar a ccuirdís roimhe a namſin biadh
na nofrálach bídh, an túis, agus na
ſoithighe, agus deachmhadha a narbha,
a nfiona núaidh, agus na hola, noch
do hórduigheadh do na Lebhítibh, don
lucht ceóil, agus do na doirſeóirighibh,
agus ofrála na ſagart.
6 Acht ar feadh na háimſireſi uile ní
raibhſa ann Jeruſalem: óir annſa dara
bliadhain déag ar fhithchid do Artax-
erxes Rígh na Babilóine tháinic miſi
chum an Rígh, agus tar éis láetheadh
áirigh do ſuair mé cead an Rígh.
7 Agus tháinic mé go Hieruſalem, agus
fuair mé ſcéula a nuilc do rinne Elia-
ſib ar ſon Thobiah, a ngléus ſhéomra
dhó a ccúirtibh thighe Dé.
8 Agus do ghoill ſin orum go gér;
uimeſin do theilg mé amach áirnéis ti-
ghe Thobiah uile as a tſéomrá.
9 Annſin thug mé aithne, agus do ghlana-
darſan na ſéomradha; agus thug miſi
a rís annſin ſoithighe thighe Dé maille
ris a nofráil bídh, agus an ttúis.
10 Agus do thuig mé nach ttug-
thaoi cuid ronna na Lébhíteach dhóibh:
óir na Lebhitigh; agus an luchd ceóil
do rinne a nobair, do theitheadar gach
áon aca dá mhachaire féin.
11 Ann ſin do aighnis miſi ris na
húachdaránaibh, agus a dubhairt mé ríu,
Cread as ar tréigeadh tigh Dé? agus
do chruinnigh miſi iad a ccionn a chéile,
agus do chuir mé na náitibh ſéin iad.
12 Ann ſin thúg Júdah uile deach-
mhadh a narbha, agus a nfiona nuáidh,
agus na hola, gus na ſtóruiſuibh.
13 Agus do rinne miſi ſtóruighthe ós
cionn na ſtórús, Selemiah an ſagart,
agus Sadoc an ſcribhneóir, agus do
na lebhitibh Pedaiah, agus na ndiaigh
ſin do bhí Hanan mhac Saccur, mhic
Mattaniah: óir do meaſadh fíreúnta
íad, agus do bí a noifig, roinn ar a
ndearbhráithribh.
14 Cuimhnigh miſi, ó mo Dhia, dá
tháobh ſo, agus ná ſcrios amach mo
dheighníomhartha do rinne mé ar ſon
thighe mo Dhé, & ar ſon a oifigeach ſin.
15 Annſna láethibh ſin do chonnaire
mé ann Júdah daóine ag brúghadh ſinea-
mhna annſa tſábóid, agus ag tabhairt
punnann a ſteach, agus ag cur úalach ar
aſſaluibh, agus fiona mar an gcéadna,
agus cáor, agus figeadh, agus gach uile
ſhórt úaluigh dá ttugaidís go Hieruſalem
annſa tſáboid: agus dfíadhnuigh miſi
ann ſa ló ionar reacadar biadh.
16 Dáitigheadar daoine do Thíor ſa
namſin ann ſin, do bheireadh íaſg léo,
agus gach uile ſhórt éarradha, agus do
reacadh iad ſan tſáboid re cloinn Iúdah,
agus re Hieruſalem.
17 Annſin do ghlac fearg miſi re
huáiſlibh Júdah, agus a dubhairt mé ríu,
Cred an droichní ſo do nithí, agus lá
na ſábóide do thróchlughadh?
18 Ané nach deárna bhur naithre
ſo, agus nach ttug ar Ndia an tolcſa
uile oruinn, agus ar an ccathruighſi?
atáthaoiſe fós ag tarruing tuilleamh uile
ar Iſrael le briſeadh na ſábóide.
19 Agus tárla, fá nam ar thionn-
ſcnadar geatadha Jeruſalem bheith
dorcha roimhe an tſábóid, gur áithin
miſi na geatadha do dhrud, agus dfur-
gair mé gan a noſcladh nó go ttioc-
fadh déis na ſábóide: agus do chuir
mé cuid dom mhuintir ag na geata-
dhuibh, chor nach ttiubharthaói áon
úalach a ſteach annſa tſábóid.
20 Márſin do luigheadar na ceann-
uighthe, agus lucht reaca gach aon
tſoirt earradh, tíobh amuich Dieruſalem
uáir nó dhó.
21 Annſin dfíadhnuigh miſi na na-
ghaidh, agus a dubhairt mé ríu, Cred
fá luidhthí timchioll an bhalla? má
nithí ſin a rís, leacfa miſi lámha oruibh:
ó a nuairſin amach ní thangadar ní
is mó ar an tſáboid.
22 Agus daithin mé do na Lebhítibh
íad féin do ghlanadh, agus teacht, agus
na geatadha do choimhéad, do náo-
mhadh na ſábóide: cuimhnigh orumſa,
ó mo Dhia uime ſo mar án ccéadna,
coigil mé do réir mhéad do thrócaire.
23 Annſna láethibhſin fós do chonnaire
mé Iúduighthe do phós mná ó Aſdod, ó
Ammon, & ó Mhoab.

24 Agus do labhradar a cclann, leath
a tteanguidh Asdod, agus níor fhéada-
dar labhairt san teanguidh Júduighe,
achd do réir theangtha gacha pobail.
25 Agus do ghabh fearg misi ríu,
agus do mhalluidh mé íad, agus do
bhuáil mé cuid aca, agus do tharruing
mé a ngrúaga, agus thug mé orra
Día do thabhairt mar mhionnuibh, ghá
radh, Ní thiubharthaói bhur ningheana
dá macaibh, agus ní ghéubhthaói a
ningheana dá bhur macaibh, nó dha-
óibh féin.
26 Nach ar pheacuigh Solumh Rígh
Israel leis na neithibhsi? gidh nach
raibh a niomad críoch a leithéid do
Rígh, noch dob ionmhuin le na Dhía,
agus do rinne Día Rígh dhe ós cionn
Israel uile? thairis sin, thug mná coimh-
ightheacha airsion féin peacughadh.
27 A néisdimne maiseadh [illegible]
déanamh a nuile mhóirsi uile, do [illegible]
ghadh a naghaidh ar Ndé lé [illegible]
ban coimhightheach?
28 Agus do bhí aon do [illegible]
Ioíada, mhic Eliasib an tárdsh[illegible]
chlíamhuin ag Sanballat an [illegible]
teach: uime sin do dhíbir mé [illegible]
29 Cuimhnigh orra, ó mo Dhía,
bhrígh gur thruáilligheadár an [illegible]
tachd, agus cunnradh na sagart[illegible]
agus na Lebhíteach:
30 Marso do ghlan mé íad ó [illegible]
huile choimhightheachaibh, agus do
duigh mé faire na sagart, agus na Le-
bhiteach, gach aon iona ghnothuighe [illegible]
31 Agus chum na hofrála [illegible]
ar na huáiribh cinte, agus chum [illegible]
bprímidleach. Cuimhnigh orm, ó mo
Dhía, chum maithiosa.

LEABHAR ESTER.

CAIB. I.

Tar éis leabhar Bhasti, 13 Tugadh fuagra, Gach fear do riaghladh iona thigh féin.

A Nois tárla a láethibh Aha-
suerus (isé so an Taha-
suerus do budh Rígh ón
India go nuige an Netío-
pia, ós cionn chéud agus
seachd bproibhinnseadh
fithchiod.)
2 Annsina láethibhsi sa nam a raibh an
Rígh Ahasuerus na shuidhe ann a chath-
áoir ríogha, noch do bhí ann Súsan an pálás
3 Annsa treas bliadhuin dá rìghe, go
ndéarnuigh sé féasta dá phrionnsadhuibh
uile, agus dá shearbhshoghantuibh; air
mbeith do chumhachtuibh na Persía,
agus na Media, uaisle agus prionnsadha
na bproibhinnseadh dhá lathair.
4 A nuair do thaisbéin sé saidhbhrios
a ríoghachta ghlórmhuire, agus onóir
a mhórdhachda, mórán do láethibh,
eadhon céad agus ceithre fithchid lá.
5 Agus a nuáir do caitheadh na
láethesin, do rinne an Rígh féusta do
na daóinibh uile do bhí da lathair ann
Súsan an pálás, aráon don mhór agus
don bheag, seachd lá a ccúirt ghairdín
pháláis an Rígh.
6 Mar a rabhadar brait bhána, ghlas-
uáine, agus ghorma, air na ndaing-
niughadh lé córduighibh do línéadach
shínealta, agus do phurpuir, dfáinneadh-
uibh airgid, agus do phileuribh marmuir:
do bhádar na leabtha dór, & dairgiod,
air urlár do mharmair dhearg, agus
ghorm, agus bhán, agus dhuibh.
7 Agus do dháileadar deocha orra a
soighthighibh óir (na soithighe éaxamhuil
tar a chéile) agus fion ríoghamhuil go
hiomarcadh do réir chumuis an Rígh.
8 Agus do bhí an tól do réir an
dlighe, Níor coimhéigniogh adh [illegible]
óir is marsin dórduigh an Rígh [illegible]
an tighe, go ndéaindís do [illegible]
gach aonduine féin.
9 Mar an ccéadna do [illegible]
an bhainríoghan, féusta do [illegible]
annsa tigh ríogha bá le Ahasuerus.
10 Ar an seachdmhadh lá a [illegible]
bhí croidhe an Rígh súgach ó [illegible]
thin sé do Mhehuman, do [illegible]
Harbona, do Bhigta, do Abagta, [illegible]
Shethar, agus do Charcas, an [illegible]
sheisior seomradóirigh dfoghnadh a [illegible]
ghnúise an Rígh Ahasuerus,
11 An bhainríoghan Bhasti do [illegible]
bhairt a lathair an Rígh, go a [illegible]
ríogha, do thaisbéanadh a [illegible]
phobal, agus do na prionnsadh[illegible] óir
bá breádhgha í ré féuchuin [illegible]
12 Acht do dhiúilt an [illegible]
Bhasti teacht lé haithne an Rígh [illegible]
sheomradóirighibh: uimesin do [illegible]
Rígh rofheargach, & do las a fhearg [illegible]
13 Annsin a dubhairt an Rígh ris
ná daóinibh críonna dar [illegible]
haimseara, (óir do bé sin gnáth an Rígh
a ttáobh a nuile dhuine [illegible] raibh fios
dlighe agus breitheamhnuis.)
14 Agus isé budh foicsi dhó Carsena,
Setar, Admata, Tarsis, Meres, Marsena,
agus Memucan, seacht bprionnsaigh na
Persia agus na Média, noch do chon-
nairc aghuidh an Rígh, agus do [illegible]
ar ttús annsa ríoghacht.
15 Cred do dhéanam ris an mbain-
ríoghain Bhasti do réir an dlighe, do
bhrigh nar choimhlíon si áithne an Rígh
Ahasuérus leis na seomradóirighibh?
16 Agus do fhreagair Memucan [illegible]
lathair an Rígh agus na bprionnsadh, [illegible]
hair an Rígh amhain do rinne an
bhainríoghan Bhasti éaccóir, acht ar
na prionnsadhuibh uile, & air an bpobal
uile,

...e, atá a nuile bproibhinnsibh an Rígh
...hasuerus.

17 Do bhrígh go rachaidh an gníomh- ... na bainrioghna amach gus a nuile ... iondus go ndéanuid beagán dá ... ibh iona súilibh, a nuair inneo- ... Daithin an Rígh Ahasuerus an ... rioghan Bhasti do thabhairt a ... dá lathair, acht ní thâinic sí.

18 Mar an gcéadna a déaruid bain- ... gh na Persia agus na Media san ... re uile phrionnsadhuibh an Rígh, ... do chúalaidh gníomh na bainriogh- ... marso éireochuidh iomarcuidh dís- ... agus feirge.

19 Mas toil leis an Rígh é, éirghiodh ... rioghа uadh, agus scriobhthar ... measc dhlighe na Bpersianach agus na Medianach, go nach áthruightear ... gur Bhasti do theacht ní sa mhó do lathair an Rígh Ahasuerus; agus ... an Rígh a sdaid ríoghasa dáon ... ná í.

20 Agus a núair fhoillseochar ór- ... an Rígh, noch do bhéara sé ... air feadh a impireachta (bíodh gur ... do bhéaruid na mná uile onóir dá ... araon don mhór, agus don ...

21 Agus do thaitin an nísin ris an Rígh ... na prionnsadhuibh, & do rinne an Rígh do réir bhréithre Mhemucan.

22 Óir do chuir sé litreacha ar feadh ... an Rígh, chum gach aon ... do reir na scríbhinne sin, agus chum gach 'aon phobail do réir a ..., Gach fear do ríaghladh iona thigh féin, agus sin dfoillsiughadh do réir theangtha gach pobail.

CAIB. II.

Ester, ... na deagh-mhná uirisle, thái- ... go lonóir.

ANDiaigh na neitheannsa, a nuáir do ... ighduigh fearg an Rígh Ahasuerus, do chuimhnigh sé ar Bhasti, agus cred do rinne sí, agus cred do hórduigheadh na haghaidh.

2 Annsin a dubhradar serbísigh an Rígh do níodh mini ostralacht dó, larthar maighdeana; sciamhacha óga don Rígh.

3 Agus órduigheadh an Rígh oifigidh a bproibhinsibh a rioghacht uile, chor go ccruinnighedís a ccionn a chéile na huile mhaighdeana sciamhacha óga go Súsan an pálás, go tigh na mban, fá chumhdach Hege seomradóir an Rígh, coimhéuduigh na mban, agus tugthar fá deara neithe chum a nglanta do thabhairt dóibh.

4 Agus bíodh an mhaighdean thaitneamhas ris an Rígh na bainrioghain a náit Bhasti. Agus do thaitin an ní sin ris an Rígh, agus do rinne sé mar sin.

5 Anois do bhí annsa phálás Súsan Iúduigh áirigh, dar bhainim Mordecai, mhac Jair, mhic Simei, mhic Cis, Benjamiteach.

6 Noch rugadh ar siubhal as Ierusalem annsa daoirsine, noch rugadh air siubhal a néinsheacht re Ieconiah Rígh Iúdah, noch rug Nebuchadnessar Rígh na Babiloine leis.

7 Agus thug leis suas Hadassah (noch dar bhainm Ester) inghean dearbhrathar athar dhó: óir ní raibh athair nó mathair aice, agus do bhí an mhaighdion breaghdha sgiamhach, noch do ghabh Mordecai (a nuáir déug a hathair agus a mathair) chuige mar inghin dó féin.

8 Marsin tárla an tan do chlos aithne agus órdughadh an Rígh, agus a nuáir do cruinnigheadh mórán maighdean go Súsan an pálás fá chumhdach Hegai, gur tugadh Ester ann mar an ccéadna go tigh an Rígh, fá chumhdach Hegai, coimhéaduigh na mban.

9 Agus do thaitin an cailín ris, agus fuáir sí cinéul úadh, agus thug sé dhi go lúath na neithe dfoir chum a hainichthe, maille ris gach ní dár bhéan ría, agus móirsheisior cailinigh dob iomchubhuidh dhi dfagháil as tigh an Rígh, agus do chuir sé í féin agus a cailinigh annsa náit do bfeárr do thigh na mban.

10 Níor fhoillsigh Ester a daoine nó a cineadh: óir daithin Mordecai dhi gan a ninnsin.

11 Agus do bhí Mordecai gach laói ag siúbhal as coinne chùirte thighe na mban, dféuchuin ciondus do bhíadh Ester, agus an chríoch déireochadh dhi.

12 Agus a nuair tháinic uain gach éanmhaighdine, do dhul a ccionn an Rígh Ahasuerus, tar éis í bheith blíadhuin do réir ghnátha na mban (óir is mar sin do coimhlíontaoi láethe a nainicthe, mar atá sé mhí le hola mhirra, agus sé mhí le neithibh deaghbholuigh, agus le neithibh oile do ghlanadh na mban.)

13 Marso a nuáirsin do thigeadh gach éanmhighdion chum an Rígh; gidh bé ar bith ní diarradh sí, do bherthí dhi é, do dhul lé amach as tigh na mban, go tigh an Rígh.

14 Trath nóna dimthigheadh sí ann, agus ar na mhárach dfilleadh sí go dara tigh na mban fa chumhdach Shaasgas séomradéir an Rígh, noch do choimhéud na leannáin: ní thigeadh sí a steach ní sa mhó chum an Rígh, acht muna bheith dúil ag an Rígh innte, agus go ccuireadh fios uirre as a hainm.

15 Anois a nuáir do thigeadh seal Ester, inghean Abihail dearbhrathair athar Mhordecai (noch do ghabh lé mar inghin) do dhul a steach chum an Rígh, ní íarradh sí éinni acht an ní do órduigheadh Hegai seomradóir an Rígh, coimhéaduigh

eaduigh na mban: agus fuáir Ester gean
a radharc gach uile dhuine dá bhféu-
chadh uirre.
16 Mar sin rugadh Ester gus an Rígh
Ahasuerus don tigh ríogha, annsa deach-
mhadh mí (noch isi sin mí Tebet) annsa
seachdmhadh bliadhain dá rígh.
17 Agus do ghrádhuigh an Rígh Ester
ós cionn na mban uile, agus fuáir si
gean agus grása iona radharc tar na
maighdeanuibh uile, iondus gur chuir
sé an choróin ríogha ar a ceann, agus
go ndéarna sé bainríoghan di a náit
Bhasti.
18 Annsin do rinne an Rígh féusta
mór dá phrionnsadhuibh, agus dá sher-
bhíseachaibh uile, eadhon féusta Ester,
agus do thug sé saóirse do na proibhinn-
sibh, agus thug sé tiodhlaicthe dhóibh,
do réir chumuis an Rígh.
19 Agus a nuáir do chruinnigheadar
na maighdiona a bhfochair a chéile an
dara huáir, do bhí Mordecai na shuidhe
a ngeata an Rígh.
20 Nior fhoillsigh Ester fós a cineadh,
nó a daóine, mar do chuir Mordecai
dúalach uirre; óir do rinne Ester aithne
Mhordecai amhuil agus do rinne a nuáir
do bhí dá tabhairt súas aige.
21 Annsna láethibhsin (an feadh do
bhí Mordecai na shuidhe a ngeata an
Rígh) do bhí fearg ar dhís do sheom-
radóirighibh an Rígh, eadhon Bigtan
agus Teres, do luchd coimhéad an do-
ruis, agus do thrialladar lámh do lea-
gadh air an Rígh Ahasuerus.
22 Agus fuair Mordecai fios na cúise,
noch dinnis sé do Ester an bhainrío-
ghain, agus dfoillsigh an bhainríoghan
sin don Rígh a nainm Mhordecai.
23 Agus a nuáir do leanadh an
chúis, do frith a dheimhin; uimesin
do crochadh iadsan araon ar crann:
agus do scríobhadh sin a leabhar croi-
niceadh a lathair an Rígh.

C A I B. III.

*Háman, na seathan ar an Chúirteóir ain-
mèineach, fhuilteach.*

TAréis na neitheann so do mhéud-
uigh an Rígh Ahasuerus Háman
mhac Ammedata an Tagagiteach, agus
dárduigh é, agus do chuir sé a ionad
suidhe ós cionn na nuile phrionnsadh
dá raibh aige.
2 Agus do chlaóindís, agus dumhlui-
ghedís serbhísigh an Rígh uile do bhí san
gheata do Háman; óir daithin an Rígh
mairsin dá thaóbh: acht ní chromadh
Mordecai, agus ní dhéanadh sé umhla dhó.
3 Annsin a dubhradar serbhísigh
an Rígh do bhí a ngeata an Rígh re
Mordecai, cred fá sáruighionn tú aithne
an Rígh?
4 Anois tárla a nuáir do labhra-
dar go laetheamhuil ris, agus nach
ttug sé toradh orra, gur innisiodar
sin do Háman, dféuchuin an seasfaidís
bríathra Mhordecai: óir dinnis sé
dhóibh gur Iúduigh é.
5 Agus an tan do chonnaire Háman
nach umhluigheadh Mordecai, agus nach
déanadh sé onóir dhó, annsin do bhí
Háman lán dfeirg.
6 Agus bá tarcuisneach leis lámh
do chur ann Mordecai na aonar, óir
do thaisbeanadar muintir Mhordecai
dhó: uime sin diarr Háman na Iúduighe
uile do scrios, do bhí ar feadh ríogh-
chda Ahasuerus uile, eadhon muintir
Mhordecai.
7 Annsa chéad mhí (do bhí sin mí
Nisan) annsa dara bliadhuin déag don
Rígh Ahasuerus, do theilgiodar Pur,
eadhon crannchar, róimhe Háman ó ló
go ló, agus ó mhí go mí, gus an dara
mí déag, mar atá mí Adar.
8 Agus a dubhairt Háman ris a
Rígh Ahasuerus; atá pobal áirighthe
sgaóilte amuigh, agus ar na sbréaghadh
idir na daóinibh a nuile phroibhinnsi
do ríoghachta, agus atáid a ndlighthe
éaxamhuil ó nuile phobal, agus ní cho-
imhéaduid dlighthe an Rígh: uime sin
ní tarbha don Rígh a bhfulang.
9 Mas toil leis an Rígh, scríob-
thar a ccur chum báis, agus díolfaidh
misi deich míle tallann airgid a láimh-
uibh na druinge air a bhfuil cúram na
chúise, ré na ttabhairt a ttigh ionnmhuis
mhuis an Rígh.
10 Agus do bhean an Rígh a fháinne
dhá láimh, agus thug sé é do Háman,
mhac Ammedata an Tagagiteach, námh-
uid na Niúduigheadh.
11 Agus a dubhairt an Rígh ré
Háman, tugadh an tairgiod duit, fós
na daoine dhuitsi, do dhéanamh ríu
mar is óil leachd féin.
12 Annsin do goireadh ar scríbhneoi-
ribh an Rígh, an treas lá déag don
chéidmhí, agus do scríobhadh annsin do
réir a nuile neithe dar aithin Háman
dfearuibh ionuid an Rígh, agus do na
húachtaránuibh do bhí os cionn gach aon
phroibhinnsi, agus do riaghlóiribh a nuile
phobuil gach áon phroibhinnsi, do réir a
scríbhinn fin, agus chum gach aon pho-
bail do réir a tteangtha: a nainm an
Rígh Ahasuerus do scríobhadh é, agus
do séuluigheadh é le fáinne an Rígh.
13 Agus do cuireadh na litreacha
ar siubhal le teachdairighibh, chum gach
uile phroibhinnse an Rígh, do scrios, da
mharbhadh, agus do dhíothlaithrughadh
a nuile Iúduighe, edir óg, agus arsaigh,
chlainn bhig, agus mnaóil, a naon lá,
eadhon air an treas lá déag don dara
mí déag (noch ar bi mí Adar) agus a
néadáil do thógbhail súas mar chreich.
14 Cóip na scríbhinne do thabhairt
mar aithne ann gach aon phroibhinnsi;
do foillsiughadh do nuile dhuine é, lé a
mbéidís réigh a ccoinne an láe sin.
15 Do chúadar na postadha amach ar
na mbrostughadh le haithne an Rígh,
agus

agus togadh a nfógra ann Súsan an
palás: agus do shuigh an Rígh, agus
Háman sios chum óil, acht do bhí an
chathair Súsan buaidheartha.

CAIB. IV.

Mordecai, ag caoineadh dhroch thionnsgnamh Hamann, 13 ghrios sé ar Ester eidirghuidhe do dhéanamh ris an Rí.

ANuáir do mhothaigh Mordecai gach
a ndéarnadh ann, do bhris Mordecai
a éadach, agus do chuir sé saicéadach
uime, agus luaith, agus do
chuaidh sé amach a meadhon na caithreach,
agus déigh sé lé héigheamh ard
searbh.
2 Agus tháinic sé as cuinne gheata
an Rígh: óir níor fhéad aonduine dul
a steach a ngeata an Rígh air a mbíath
saicéadach.
3 Agus ann gach uile phroibhinnsi a
ttáinic aithne an Rígh, agus a órdughadh,
do bhí caóineadh mór a measc
na Niúduigheadh, agus troscadh, agus
gul, agus eolchuire, agus mórán na
luidhe a saicéadach agus a luáith.
4 Mar sin thangadar cailínigh Ester,
agus a seomradóirigh, agus dinnisidior
sin di: ann sin do bhí an bhainríoghain
lán do dhoilghios, agus do chuir
sí éadach dfolach Mhordecai, agus do
bhaiin a néaduigh róin de; acht níor
ghlac seision é.
5 Ann sin do ghoir Ester ar Hatach,
aon do sheamradóirighibh an Rígh,
noch dórduigh sé dfeithiomh uirre, agus
thug sí aithne dhó go Mordecai, dfaghail
feasa cred í an chúis, agus cred
an tádhbhar fa raibh sin.
6 Annsin do chuaidh Hatach amach
mar a raibh Mordecai go sráid na
caithreach, noch do bhí as coinne
gheata an Rígh.
7 Agus dinnis Mordecai dhó a
nuile ní dá ttárla dhó, agus an tsuim
airgid dó gheall Háman dó dhiol ré
hionmhusuibh an Rígh, ar son na
Niúduigheadh do scrios.
8 Mar an ccéadna thug sé cóip
scríobhtha na garma do scríobhadh ann
Súsan, chum a scrios, dá thaisbeanadh
do Ester, agus dá fhoillsiughadh
dhi, agus dá chur dúalach uirre
dul a steach chum an Rígh, agus
gearán do dhéanamh ris, agus iarratas
do dhéanamh dá lathair ar son a daóine.
9 Agus tháinic Hatach, agus dinnis
sé briathra Mhordecai do Ester.
10 Do labhair Ester a ris ré Hatach,
agus thug aithne dhó chum Mordecai.
11 Atá a fhios ag serbhiseachuibh an
Rígh uile, agus ag daóinibh phroibhinnseadh
an Rígh, gidh bé ar bith
dhfior nó mhnaoí thiocfas gus an Rígh
don chúirt is faide a steach, ar nach
goirthear, go bhfuil aoindlígheadh amháin
aige, an té sin do chur chum
báis, acht amháin an té dhá sinfigh
an Rígh amach an tslat órdha, ionnus
go mairse sé: achd níor goireadh
ormsa do theacht a steach gus an
Rígh ris an tríochad lá so.
12 Agus dinnsiodar do Mhordecai
briathra Ester.
13 Annsin daithin Mordecai a innisin
do Ester, Ná saóil agad féin go
rachadh tú as a ttigh an Rígh níos
mó ná na Júduighe uile.
14 Oir má bhíonn tú a nois ad thochd
go huilidh, annsin tiucfaidh fuascladh,
agus saoradh air na Júduighibh as áit
oile, acht scriosfuighthear thusa agus
tigh hathar: agus cía agá bhfuil a
fhios nach fá na leithéid so daimsir
tháinic tú chum na ríoghachda?
15 Annsin a dubhairt Ester riu, [an
freagra so] do bhreith chum Mordecai.
16 Imthigh, cruinnigh, a bhfochair
a chéile a bhfuil do Judúighibh a lathair
a Súsan, agus troiscidh ar mo shonsa, agus
ná hithigh, agus ná hibhidh a ttrí lá,
doidhche ná ló; troisgse misi agus mo
mhaighdiona mar an gcéadna, agus marsin
rachuidh mé a steach chum an Rígh,
bíodh nach do réir an dlighe; agus má
imthighim, imthighiom.
17 Marsin dimthigh Mordecai roimhe,
agus do rinne do réir a nuile ní dar
aithin Ester dhe.

CAIB. V.

Athchoinnigh Ester ris an Rí.

ANois tárla ar an treas lá gur chuir
Ester a culaidh bhainríoghna uirre,
agus do sheas annsa chúirt dob fhaide
a steach a ttigh an Rígh, thall as coinne
thighe an Rígh: agus do shuigh an
Righe iona chathaóir ríogha annsa tigh
ríoghamhuil, thall as coinne gheata an
tighe.
2 Agus is amhluidh bhí, a nuáir do
chonnairc an Rígh, Ester an bhainríoghan
na seasamh annsa chúirt, go bhfuair
sí fabhar iona radharc, agus gur shín
an Rígh chum Ester an ríoghshlat órdha
do bhí iona láimh: mar sin tháinic
Ester a ngar dhó, agus do bhean
sí re bárr na slaite.
3 Annsin a dubhairt an Rígh ría,
cred is áil leachd a bhainríoghan Ester?
agus cred é hiarratus? do bhéarthar
dhuit é go leath na ríoghachta.
4 Agus do fhreagair Ester, má chítear
go maith don Rígh é, tigeadh an Rígh
agus Haman a niugh chum na fleidhe do
ghléas misi dhó.
5 Ann sin a dubhairt an Rígh, tabhruidh
air Háman deithnios do dhéanamh,
go ndéarna sé mar a deir Ester. Marsin
tháinic an Rígh agus Háman chum na
fleidhe do ghléas Ester.
6 Agus a dubhairt an Rígh re Hester
ag fleidh an fhíona, cred í hathchuinge,
agus do gheabha tú í? agus
cred é hiarratus? eadhon go nuige leath
na

na rioghachta coimhlíonfuighthear é.
7 Annſin do ſhreagair Eſter, agus
a dubhairt, ſi mathchuinghe agus míar-
ratus;
8 Má fuáir mé gráſa a radharc an
Rígh, agus mas toil leis an Rígh míar-
ratus do dheónughadh, agus math-
chuinge do choimhlíonadh, tigeadh an
Rígh & Háman chum na fleidhe ghleuſ-
ſus mé dhóibh, agus do dhéana mé a
márach mar a dubhairt an Rígh.
9 Ann ſin do chuáidh Háman amach
an láſin gáirdeach, agus maille re croi-
dhe ſóláſach: acht a nuair do chonnairc
Háman Mordecai a ngeata an Rígh,
nach ar ſheas ſé ſúas, & nár chorruigh ſé
ar a ſhonſan, do bhí ſé lán dfeirg a
naghaidh Mhordecai.
10 Thairis ſin do chuir Háman ſrian
ris féin, agus a nuáir tháinic ſé dhá thigh
do chuir teachda úadh, & do ghoir air a
cháirdibh, agus ar a mhnaoi Seres.
11 Agus dinnis Háman dóibh glóir a
ſhaidhbhrioſa, agus iomad a chloinne,
agus na huile neithe lér chuir an Rígh
ſúas é, agus mar dárduigh ſé é ós
cionn phrionnſadh agus ſherbhíſeach an
Rígh.
12 A dubhairt Háman fós, níor léig
Eſter an bhainrioghan éanduine a ſteach
leis an Rígh chum na fleidhe dullmhuigh
ſi acht mé féin, agus atá cuireadh a-
gam a márach úáithe mar an ccéadna
leis an Rígh.
13 Gidheadh ni dhéan ſo ré cheile maith
dhamh, an fad chíſeas mé Mordecai an
Júduigh na ſhuighe ag geata an Rígh.
14 Annſin a dubhairt Seres a bhean,
agus a cháirde uile ris, déantar
croch cháogad cubhad ar áirde, agus
labhairſi ris an Rígh a márach go ccroch-
fuidhe Mordecai uirre: an ſin éirigh a
ſteach go ſúgach ris an Rígh chum na
fleidhe. Agus do thaitin an ní le Há-
man, agus thug ſé ſa deara croch do
dhéanamh.

CAIB. VI.

Tús anrath Haman, 10 noch dar horduigheadh, Mordecai a namhuid do onórughadh.

A Noidhcheſin níor ſhéud an Rígh
codladh, agus daithin ſé leabhar
cuimhne na ccroiniceadh do thabhairt
chuige; & do léugheadh iad a lathair an
Rígh.
2 Agus do fríth ſcríobhtha ann, gur
bé Mordecai dinnis ar Bhigtana, agus
ar Theres, días do ſheomradóirighibh
an Rígh, coimhéuduighthe an doruis,
noch do bhí ar tí lámh do chur annſa
Rígh Ahaſuerus.
3 Agus a dubhairt an Rígh, cred
a nonóir nó an meas tugadh ar Mhor-
decai ar a ſhonſo? annſin a dubhradar
ſerbhíſigh an Rígh do mhinioſtráil dó,
ní dhéarnadh éainní ar a ſhon.
4 Agus a dubhairt an Rígh, cía atá
annſa chúirt? (a nois tháinic Há[illegible]
annſa chúirt amuigh do thigh an Rígh
do labhairt ris an Rígh do chroch[illegible]
Mhordecai air an ccroich do ghleus ſé [illegible]
choinne)
5 Agus a dubhradar ſerbhíſigh an
Rígh ris, féuch, atá Háman na [illegible]
ſamh annſa chúirt: agus a dubhairt
an Rígh, Tigeadh ſé a ſteach.
6 Annſin tháinic Háman a ſteach,
agus a dubhairt an Rígh ris, cred [illegible]
dhéantar don duine a mbía dúil ag an
Rígh onóir do thabhairt dó? (Annſin
ſmuáin Háman iona chroidhe, Cé [illegible]
mbíath dúil ag an Rígh a onórughadh
ní ſa mhó ná miſi?)
7 Agus do ſhreagair Háman an Rígh,
ar ſon an té agá mbía dúil ag an Rígh
donórughadh,
8 Tugthar a núas an chulaidh ríoghdha,
noch ghnáthuighios an Rígh dionchur,
agus an teach ar a ngnáthuigheann an
Rígh marcuigheachd, agus an choróin
ríogha, noch chuirthear ar a cheann:
9 Agus tugthar an chulaidh, a-
gus an teach a láimh aóin do na prionn-
ſadhuibh is mó onóir do phrionnſadhuibh
an Rígh, iondus go ccuirfeadh [illegible]
an nduine a mbía dúil ag an Rígh a
onórughadh; agus tugthar le mar-
cuigheacht é ar feadh ſhráide na cath-
reach, agus fuagarthar roimhe, [illegible]
ſo do dheantar ris an té dhá mbía dúil
ag an Rígh a onórughadh.
10 Annſin a dubhairt an Rígh ra
Haman, Déana deithfir, agus glac an
chulaidh, agus an teach mar a dubhairt
tú, agus déana mar ſin do Mhor-
decai an Júduigh noch ſhuighios ag
geata an Rígh; ná failligthear [illegible]
héinní dá ndubhairt tú.
11 Ann ſin do ghlac Háman an
téadach, agus an teach, agus [illegible]
uigh ſé Mordecai, agus thug leis ar
marcuigheacht thríd ſhráid na cath-
reach é, agus dfúagair roimhe, [illegible]
ſo do dheantar ris an nduine [illegible]
leis an Rígh donórughadh.
12 Agus tháinic Mordecai [illegible]
geata an Rígh: acht do rinne Háman
deithnios dá thigh ag déanamh dob-
róin, agus folach air a cheann.
13 Agus dinnis Háman dá mhnaoi
Seres agus dá cháirdibh uile, gach [illegible]
dár éirigh dhó. Annſin a dubhradar [illegible]
dhaoine glioca, agus Seres a bhean
ris, más do ſhíol na Niúduigheadh Mor-
decai, re ar thoſuigh tú tuitim, [illegible]
bhéara tú buáidh na aghaidh, acht [illegible]
dearbh go ttuitfidh tú roimhe.
14 Agus an feadh do bhádar mar
ſin ag comhrádh ris, thangadar ſeomradó-
irigh an Rígh, & do rinneadar deithfir
re Háman do thabhairt chum na fleidhe
do ghléus Eſter.

CAIB. VII.

Toradh edirghuidhe Eſter a leith a daoine [illegible]
7 le Bás Háman.

MAr sin tháinic an Rígh agus Háman chum na fleidhe le Hester an bhainríoghan.
2 Agus a dubhairt an Rìgh a rís re Hester air an dara lá ag fleidh a fíona, Créd é híarratus a bhainríoghan Ester? agus do bhéarthar duit é: agus cred é hathchuinghe? agus coimhlíonfuigheor í, da madh go leath na ríoghachta.
3 Ann sin do fhreagair Ester an bhainríoghan, agus a dubhairt, má fúair mé fabhar dot láthair, ó a Rígh, agus más toil ris an Rígh, tugthar manam dhamh ar míarratas, agus mo dhaóine ar mathchuinge.
4 Oir do reacadh sinn, misi & mo dhaóine, dár scrios, dar marbhadh, agus dar ndíothlaithriughadh: acht dá reachthaói sinn mar dhaóirsineachuibh, ní laibheofinn, mitá nár bhféidir leis an námhuid dul a mugha án rígh, daifiog.
5 Annsin do fhreagair an rígh Ahasuerus, agus a dubhairt re Hester an bhainríoghan, Cía hé féin? nó cáit a bhfuil an té dá léigfeadh a neagla dfaghbháil iona chroidhe féin sin do dhéanamh?
6 Agus a dubhairt Ester, isé a neascara agus an námhuid, an drochdhuineso Háman. Annsin do ghabh eagla Háman a bhfíadhnuisi an rígh, agus na bainríoghna.
7 Agus ar néirghe don Rígh ó fhleidh a nfíona iona fheirg, do chuáidh sé go gáirdin an phálais, agus do sheas Háman súas do ghuidhe na bainríoghna Ester si na anam: óir do chonnairc sé go raibh olc dá thríall na aghaidh ón righ.
8 Annsin dfill an rígh as gáirdin an phálais go hionad fleidhe a nfíona, agus do thuit Haman air an leabuidh air a raibh Ester. Annsin a dubhairt an rígh, A néigneochuidh sé an bhainríoghan mar an ccéadna as mo choinne annsa tigh? ar ndul a nfocail as béul an rígh, dfolchadar aghuidh Háman.
9 Agus a dubhairt Harbona, áon do na seomradóirighibh a bhfiaghnuisi an rígh, féuch fós an chroch do chaogad cubhad ar áirde, noch do rinne Háman do Mhordecai, noch do labhair go maith ar son an Rìgh, atá si na seasamh a ttigh Háman. Annsin a dubhairt an rígh, crochuidh é féin uirre.
10 Marsin do chrochadar Háman ar an ccroich do rinne sé do Mhordecai. Annsin do sguir fearg an Rígh.

CAIB. VIII.

Do bhrúiseadh do na Hiuduighibh, an comhfhuasgladh do dhearna dhóibh le Ester.

ANsa ló sin féin thug an Rígh Ahasuerus tigh Háman, námhuid na Niúduigheadh, do Ester an bhainríoghan; & tháinic Mordecai a lathair an Rígh: óir dinnis Ester mar do bhí sé dhi.
2 Agus do bhain an rígh a fhainne dhe, noch do bhain sé do Háman, agus thug sé do Mhordecai é, & do chuir Ester Mordecai ós cionn tighe Háman.
3 Agus do labhair Ester fós a rís á lathair an Righ, agus do shléacht fá na chosuibh, agus do ghuidh si é maille ré déuruibh, urchóid Háman an Hagagiteach, agus an chealg do thríall sé a naghaidh na Niúduigheadh, do chur ar ccúl.
4 Annsin do chonnuimh an rígh amach an ríoghshlat órdha a ccoinne Ester. Marsin déirigh Ester, agus do sheas si a bhfiaghnuisi an rígh.
5 Agus a dubhairt si, más toil leis an rígh, agus má fuair misi fabhar iona radharc, agus go bhfaicthear an ní ceart a bhfiaghnuisi an Righ, agus má tá mé taitneamhach iona radharc, Scriobhthar, litreacha Háman mhic Hammedatha an Tagagiteach do ghairm air a nais, noch do scríobh sé do scrios na Niúduigheadh, noch atá a nuile phroibhinsibh an Rígh.
6 Oir ciondus fhéaduimsi fulang an tolc noch thiucfas ar mo dhaóinibh dfaicsin? nó ciondus fhéaduim scrios mo chinidh dfaicsin?
7 Annsin a dubhairt an Rígh Ahasuerus re Hester an bhainríoghan, agus re Mordecai an Iúduigh, féuch thug mé do Ester tigh Háman, agus do chrochadar é féin san ccroich, do bhrígh gur leag sé a lámh air na Iúduighibh.
8 Scríobhuidhsi mar an ccéadna ar son na Niúduigheadh, mar is mían libh féin, a nainm an Rígh, agus séuluighidh é le fáinne an Rígh: óir an scríbhinn scríobhthar a nainm an Rígh, agus shéuluighthear lé fáinne an Rígh, ní fhéadann éanduine a fhilleadh air ais.
9 Ann sin do goireadh scribneóiridh an Rígh sa nam sin ar an treas mí (si sin an mhí Sibhan) ar an treas lá fichehiod don mhí sin, agus do scríobhadh (do réir a nuile ní dá ttug Mordecai úadh) chum na Niúduigheadh agus chum fheara ionuid an Rígh, agus na mbreitheamhan, & úachdarán na bproibhinnseadh, noch atá ón India go nuige Etiopia, céud agus fichche agus seachd bproibhinnsi, chum gach áon phroibhinnsi, do réir a scríbhinne sin, agus chum gach éanphobail do réir a tteangtha, chum na Niúduigheadh do reir a scríbhinne, & do réir a tteangtha.
10 Agus do scríobh sé a nainm an Rígh Ahasuerus, agus do shéuluigh an scríbhinn lé fáinne an Rígh, agus do chuir sé litreacha lé posduibh úadh ar eachuibh, agus marcshluagh ar mhúillidhibh, & ar chámhalluibh, & ar eachuibh óga cholmhlionga.

11 Ionta sin dáontuigh an Rígh
do na Júduighibh, ann gach áon chath-
ruigh a rabhadar, íad féin do chruinniu-
ghadh a bhfochair a chéile, & seasamh
ar son a nanma, do dhíobhadh, do mhar-
bhadh, agus do sgrios cumhacht an pho-
bail, agus na proibinnse uile do chuir-
feadh na naghaidh, a ndaoine beaga
aráon, agus a mná, agus a néadail do
bhuain díobh mar chreich;
12 Anáon ló, a bproibhinnsibh an
Rígh Ahasuerus, eadhon ar an treas
lá déug don dara mí déag, noch isí mí
Adar.
13 Cóip na scríbhne do thabhairt
mar aithne ann gach áon phroibhinnsi,
dá fhoillsiughadh do nuile phobal, agus
go mbéidis na Júduighe réigh a ccoinne
an láe sin, dá ndioghuilt féin ar a
naimhdibh.
14 Marsin do chuadar amach na
postadha do bhí ar muin mhúillidh a-
gus chámhall, ar na ndeithfriughadh, a-
gus ar an mbrostughadh ar siubhal le
haithne an Rígh, agus tugadh a nógra
a Súsan an pálás.
15 Agus do chúaidh Mordecai amach
as lathair an Rígh, a néadach ríogha,
do ghorm agus do bhán, agus maille re
mórchoróin óir, agus le culaidh línéu-
duigh fhinealta, agus phurpair; agus
do gháirdigh cathair Shúsan, agus do
bhí si lúathgháireach.
16 Fúaradar na Júduighe solus
agus gáirdeachus, agus solás, agus
onóir:
17 Agus ann gach aon phroibhinnsi,
agus ann gach áonchathruigh, gidh bé
áit a ttáinic aithne an Rígh, agus a ór-
dughadh, fúaradar na Iúduighe gáirdea-
chus, agus lúathgháir, féusta, agus
lá maith: agus thangadar móran do
mhuintir na tíre do bheith na Niúdui-
ghibh, óir do luigh eagla na Niúdui-
gheadh orra.

CAIB. IX.

Na Iúduighe ar bualadh a naimhde dhoibh, 20 do chongmhadar Féusta Púrim.

ANois annsa dara mí déag (do bí
sin mí Adar) ar an treas lá déag
dhi, a nuair do bhí aithne an rígh agus
a órdughadh a ngar ré a ccur a
ccrích, annsa ló ar shaoileadar naimhde
na Niúduigheadh cumhacht dfaghháil ós
a ccionn; (matá gur hiompóigheadh é
go contrardha, go raibh buáidh ag na
Iúduighibh ós cionn na muintire noch
do fhúathuigh íad.)
2 Do chruinnigheadar na Júduighe
íad féin a ccionn a chéile íona ccaithrea-
chaibh air feadh uile phroibhinseadh an
Rígh Ahasuérus, do chur a láimhe ansa
druing do thairg an dochar do dhéanamh
agus níor fhéud áonduine seasamh riu:
óir do ghabh eagla gach uile phobal
iompa.
3 Agus do chuidigheadar [illegible]
agus riaghlóruigh, agus breitheamhain
agus oifigidh an Rígh leis na Iúdui-
ghibh, do bhrigh gur luidh eagla Mor-
decai orra.
4 Oír bá mór Mordecai a [illegible]
an Rígh, agus do chuáidh a chlú [illegible]
ar feadh na nuile phroibhinnseadh [illegible]
dfás an duinesi Mordecai ní sa mhó, a-
gus ní sa mhó.
5 Marso do bhuáileadar na Iúduighe
a naimhde uile le buille an chloidhimh, a-
gus le hár, agus le scrios, agus do rin-
eadar mar budh toil léo ris an luchd [illegible]
fhúathuigh íad.
6 Agus ann Súsan an pálás, do mhar-
bhadar na Júduighe, agus do mhilleadar
dar cúig céud fear.
7 Agus Parsandata, agus Dalphon,
agus Aspata.
8 Agus Porata, agus Adaliah, agus
Aridata.
9 Agús Parmasta, agus Arisai, agus
Aridai, agus Bhaiseata.
10 Deich mhic Háman mhic Hamme-
data, námhuid na Niúduigheadh, do mhar-
bhadar íad, acht air a néadáil níor le-
gadar a lámh.
11 Tugadh an lásin a lathair an Rígh
uibhir na méide do marbhadh ann Súsan
an pálás.
12 Agus a dubhairt an Rígh re hEster
an bhainríoghan, do mharbh agus do
scrios na Júduighe cúig chéad fear ann
Súsan an pálás, agus deichneamhar mac
Háman; cred do rinneadar annsa chuid
oile do phroibhinnsibh an Rígh! anois
cred í hathchuinge? agus do bhéarthar
dhuit í: nó cred é hiarratus ní is mó?
agus do dhéantar é.
13 Annsin a dubhairt Ester, má is toil
leis an Rígh, tugthar cead do na Iúdui-
ghibh atá ann Súsan sin do dhéanamh a
márach mar an ccéadna do réir órdai-
ghthe an láesi, agus crochtar deichne-
mhar mac Háman annsa chroich.
14 Agus daithin an Rígh a dhéa-
namh marsin: agus tugadh a nógra
ann Súsan, & do chrochadar deich mic
Háman.
15 Oír do chruinnigheadar na Iúd-
uighe do bhí ann Súsan íad féin a
ccionn a chéile ar an cceathramhadh lá
déag don mhí Adar mar an gcéadna,
agus do mharbhadar trí chéad fear ann
Súsan: acht níor leagadar a lámh ar
a néadáil.
16 Acht na Iúduighe uile do bhí a
bproibhinsibh an Rígh, do chruinnigh-
eadar íad féin a ccionn a chéile, agus do
sheasadar ar son a nanma, agus fuara-
dar ciúnas ó na naimhdibh, & do mhar-
bhadar dá neasccáirdibh seachtmhoghad
agus cúig mhíle: acht níor leagadar a
lámha air an ccreich.
17 Ar an treas lá déag do mhí
Adar, agus ar an cceathramhadh lá
déag

déag don mhí chéadna do ſhocruighea-
dar, agus do rinneadar lá féuſta, agus
ſoláis de.
18 Acht na Júduighe do bhí ann
Súſan, do chruinnigheadar a bhfochair a
chéile ar an treas lá déag don mhí
ſin, agus ar an cceathramhadh lá
déag dhi, agus air an ccúigeadh lá
déag don mhí chéadna, do ſhuaimhni-
gheadar, agus do rinneadar dhe, là féuſta,
agus ſoláis.
19 Uime ſin do rinneadar Júduighe
na mbailteadh mbeag do chomhnuidh a
mbailtibh gan bhalladha, an ceathra-
mhadh lá déag do mhí Adar, na lá lú-
athgháire agus féuſta, agus na là mhaith,
& do chur oirchiſeacht chum a chéile.
20 Agus do ſcríobh Mordecai na
neitheſi, agus do chuir ſe litreacha
chum na Niúduigheadh do bhí a nuile
phroibhinnſibh an Rígh Ahaſuerus a
bhfogus, agus a ccéin,
21 Dá bhuanughadh ſo na meaſc, go
cconngmhuidís an ceathramhadh lá déug
don mhí Adar, agus an cúigeadh lá dhi
gacha bliadhna:
22 Mar na láethe ar ſhuaimhnighea-
dar na Júduighe ó nà naimhdibh, agus
an mhí do hiompóigheadh chuca ó dhó-
lás go ſolás, agus ó dhóbrón go lá mhaith:
go ndéindís dhíobh láethe feaſta, agus
gáirdeachuis, agus oirchiſeachd do chur
chum a chéile, agus tiodhluicthe chum
na mbocht.
23 Agus do ghabadar na Jú-
duighe orra féin a dhéanamh mar do
thionnſgheadar, agus mar do ſcrìobh
Mordecai chuca.
24 Do bhrígh gur thriall Háman
mhac Hammedata an Tagagiteach ná-
mhuid na Niuduigheadh uile, a naghuidh
na Niuduigheadh chum a ſcrioſta, & gur
theilg Pur (eadhon crannchar) dá
ndíothughadh, agus dá ſcrios.
25 Acht a nuáir tháinic Eſter a
lathair an Rígh, daithin ſe le litreachaibh
an droichthionnſgnamh do thríall ſé a
naghaidh na Niúduigheadh, dfilleadh ar
a cheann féin, agus é féin agus a mhic do
chrochadh ſan ccroich.
26 Ar a nadhbharſin do ghoireadar
Púrim do na láthibhſin, ón naiom Pur;
uime ſin ar ſon bhríathar na litreach, agus
ar ſon gach neithe dá bhfacadar a
ttáobh a nadhbhairſi, agus noch déirigh
dhóibh,
27 Dórduigheadar na Júduighe, agus
do ghabhadar orra féin, agus air a
ſliocht, agus ar gach uile dhuine dá
cceingeoladh ríu, iondus nach bhfail-
leochthaoi é; go ccoimheádſaidís an dá
lá ſo, do réir a ſcríbhinne, agus do réir a
nuáire cinnte gacha bliadhna:
28 Agus go ccuimhneochthaoi na
láetheſi, agus go ccimheádſuidhe íad
ar feadh gach éaingheinealuigh, gach
éaintreibhe, gach éaintíre, agus gach
éanchaithreacha; agus nach bhfailleoch-
thaoi na láetheſo Púrim ó bheith a meaſc
na Niúduigheadh, nó a ccuimhne do
dhul a mbáthadh ó na ſíol.
29 Ann ſin do ſcríobh Eſter an
bhainríoghan inghean Abihail, agus Mor-
decai an Júduigh, maille ris a nuile
úghdarrás, chum an dara litreſi Phúrim
do dhaingniughadh.
30 Agus do chuir ſé na litreacha
chum na Niúduigheadh uile, chum na
ccéud agus na ſeacht bproibhinnſeadh
fichchiod do ríoghachta Ahaſuerus, maille
re bríathruibh ſíothchána, & ſírinne;
31 Do dhaingniughadh na laétheadhſo
an Phúrim, iona naimſearuibh [cinnte] do
réir mar do aithin Mordecai an Júduigh,
agus Eſter an bhainríoghan díobh, agus
mar do órduigheadar air a ſon féin, agus
air ſon a ſíl; adhbhar a ttroiſge agus a
ngearáin.
32 Agus do dhaingnidh órdughadh
Eſter na cúileſi an Phúrim, agus do ſcrí-
obhadh annſa leabhar é.

CAIB. X.

Mòrdhacht Ahaſuerus. 3 & oirdhearcus Mordecai, noch do bhi ſochroidheach do ghnà.

AGus do chuir an Rígh Ahaſuerus
duibhchíos ar a dúithche, agus air
oileanuibh na fairge.
2 Agus gníomha a neirt uile, agus a
chumhachta, agus foillſiughadh mhéud
Mhordecai, iona ndéarna an Rígh mór
é, nach bhfuilid ſiad ſcríobhtha a lea-
bhar croinice Ríogh na Média, agus na
Perſia.
3 Oír do bé Mordecai an Júduigh
dob ſhoicſe don Rígh Ahaſuerus, agus
budh mór é a meaſc na Niúduigheadh,
agus geanamhuil ag iomadamhlachd a
dhearbhráitheach, ag íarruidh maitheaſa
dá dhaoínibh, agus ag labhairt ſíoth-
chána dá ſhliochd féin uile.

LEABHAR JOB.

CAIB. I.

Tríd chaſaóid Shatain, do cheaſnuigheadh an duine díreach Job, le milleadh éadala agus chloinne.

DO bhí duine a bhfearann Hus,
dar bhainm Job, agus do bhí
an té ſin iomlán, agus díreach, agus
neach air a raibh eagla Dé, agus do
ſheachuin olc.
2 Agus do rugadh móirſheiſior mac
dhó, agus tríur inghean.
3 Do bí a mhaoin mar an ccéadna
ſeacht míle caora, agus trí mhíle cá-
mhall, agus cúig chéad cúpla damh, a-
gus cúig chéad aſſal bainionn, agus
teaghlach

teaghlach romhór: iondus gur bhé an fearso duine budh mó don taóibh shoir uile.

4 Agus dimthighedis a chlann, agus do nídis fleadh iona ttighthibh, lá air gach áon díobh, agus do chuiredis fios agus do ghoiredis ar a ttriúr deirbhfheathrach dithe agus dól na bhfochair.

5 Agus is amhluidh bhí, a nuáir do thiaghadh láethe a bfleidhe timchioll, go ccuireadh Jób fios [orra] agus go náomhuigheadh sé íad, agus go néirgheadh sé sa moch na maidne, agus go nofráladh sé iodhbartha loisge, do réir a nuibhre uile: óir a deireadh Jób, do bféidir gur pheacuigheadar mo mhic, agus gur mhalluigheadar Dia iona gcroidhthibh: marso do níodh Jób go gnáthach.

6 Anois do bhí lá, an tan thangadar mic Dé dá ttaisbeanadh féin a lathair an Tighearna, agus tháinic Sátan mar an gcéadna na measc.

7 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan, cáit as a ttig tusa? annsin do fhreagair Sátan don Tighearna, agus a dubhairt, ó bheith ag imtheacht sa ccuáirt ar feadh na talmhan, agus ó shiubhal sios agus súas ann.

8 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan, ar mheas tú mo shearbhfhoghantuigh Jób, nach bhfuil áon cosmhuil ris air an ttalamh, duine iomlán díreach, aon ar a bhfuil eagla Dé, agus sheachnas olc?

9 Annsin do fhreagair Sátan don Tighearna, agus a dubhairt, An gan adhbhar atá eagla Dé air Jób?

10 Nach dearna tusa fál na thimchioll, agus a ttimchioll a thighe, agus timchioll a nuile ni dá bhfuil aige air gach aon táobh? do bheannuigh tú oibreacha a lámh, agus do mhéaduigh tú a mhaóin annsa tír.

11 Acht a nois sín do lámh, agus leag í ar a bhfuil aige, agus mailleochuidh sé thú ad aghaidh.

12 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan, féuch atá a bhfuil aige uile fad chumhachduibhsi: amháin air féin na sín do lámh; marsin dimthigh Sátan amach as lathair an Tighearna.

13 Agus do bhí lá air a rabhadar a mhic agus a inghéana, ag ithe, agus ag ól fhíona, a ttigh a ndearbhrathar sa sine.

14 Agus tháinig teachtaire go Jób, agus a dubhairt, do bhádar na daimh ag treabhadh, agus na hasail ag innghilt, láimh ríu:

15 Agus thangadar na Sabeánuigh orra, agus rugadar léo íad, do mharbhadar fós na seirbhísigh le faobhar an chloidhimh, agus tháinic misi amháin am áonar as, dá innisin duit.

16 An feadh do bhí sé fós ag labhairt, tháinic mar an ccéadna duine eile, agus a dubhairt, do thuit teine Dé ó neamh, & do dhóich sí na caóirigh uile, agus na serbhisigh, agus do loisc íad, agus misi amháin tháinic as am áonar, dá innisin duit.

17 An feadh dó bhí sé marso ag comhrádh, tháinic mar an ccéadna duine oile, agus a dubhairt, do rinneadar na Caildéanuigh trí bhanna fós agus do lingeadar air na cámhallaibh, agus rugadar léo íad, do mharbhadar fós na serbhisigh le faobhar an chloidhimh, agus tháinic misi amháin am aonar as, dá innisin duit.

18 An feadh do bhi sé fós ag comhrádh, tháinic duine oile mar an gcéadna, agus a dubhairt, do bhádar do mhic agus hingheana ag ithe, agus ag ól fíona a ttigh a ndearbhrathar sa sine;

19 Agus féuch tháinic gaoth mhór ón bhfásach, agus do bhuail sí ceithre coirnéil an tighe, agus do thuit sé air na hógánuibh, agus atáid marbh, agus tháinic misi amháin am áonar as, dá innisin duit.

20 Annsin déirigh Jób, agus do réub sé a fhalluing, agus do bhéarr sé a cheann, agus do thuit sios air an ttalamh, agus do adhuir sé.

21 Agus a dubhairt, tárnochd tháinic mé amach as broinn mo mháthar, agus tárrnochd fhillfios mé ann a rís: sé an Tighearna thug úadh, agus sé an Tighearna rug leis: go madh beannuigh ainm an Tighearna.

22 Nior pheacuigh Jób annso uile, ní mó do chuir leimhe a leith Dé.

CAIB. II.

Thríd thuille casaóid ó Shatáin, do chosduigheadh Jób níos géara.

DO bhí lá a rís a nuair thangadar mic Dé dá ttaisbeanadh féin a láthair an Tighearna, agus tháinic Sátan mar an ccéadna dá thaisbeanadh féin a láthair an Tighearna.

2 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan, cáit as a ttig tusa? agus do fhreagair Sátan don Tighearna, agus a dubhairt, ó imtheachd sa ccuáirt ann sa talumh, agus ó shiubhal sios agus súas ann.

3 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan, nar mheas tu móglach Jób, nach bhfuil áon cosmhuil ris air an ttalamh; duine iomlán díreach, áon air a bhfuil eagla Dé, agus sheachnus olc? agus chongmhus a iomláine go daingion a ccomhnuidhe, bíodh gur chorruigh tusa misi na aghaidh, dhá scrios gan adhbhar.

4 Agus do fhreagair Sátan don Tighearna, agus a dubhairt, croicionn ar son croicinn, a bhfuil ag duine do bhéaradh sé as a anam é.

5 Acht cuirse amach do lámh anois, agus bain re na chnáimh, agus re na fheóil, agus mailleochaidh sé thú ad haghaidh.

6 Agus a dubhairt an Tighearna re Sátan,

Sátan,

... féach atá sé ann do láimhse, achd
... ciomhuin a anam.
7 Annsin do chuáidh Sátan amach ó
... an Tighearna, agus do bhúail
sé Job le neascoidighibh doilghe ó bhonn
a choise go baithis a chinn.
8 Agus do ghlac sé scriobán dá scrío-
badh féin leis, agus do shuidh sé síos ar
... na luatha.
9 Annsin a dubhairt a bhean ris, An
... tusa hiomláine a ccomhnuigh
... Día, agus éug.
10 Acht a dubhairt seision ría, labh-
rann tú mar labhrus áon do na mnáibh
... : cred so? an nglacfum
... as láimh Dé, agus nach geubham
... iadh? annso uile níor pheacuidh
Job le na bhéul.
11 Anois a nuáir do chúaluidh triúr
... Job an tolcso uile tháinic air,
tháinic gach aon aca ón áit féin: Eli-
phas an Temaniteach, agus Bildad an
...each, agus Sophar an Naama-
...each; óir do rinneadar ionad coinne
re chéile do theacht do dhéanamh doilghis
leis, agus dá chomhfurtachd.
12 Agus a nuáir do thógbhadar a
súile súas a ccéin, agus nár aithnighea-
dar é, do thógbhadar a nguth ós
árd, agus do ghuileadar, agus do réub
gach áon díobh a fhálluing, & do chroi-
theadar luáithreadh air a ccéannuibh
... re neamh.
13 Marsin do shuigheadar síos na
fhochair ar an ttalumh air feadh sheachd
lá, agus sheacht noidhche, & níor labhair
éinduine focal ris: óir do chonncadar
go rombór a dhoilghios.

CAIB. III.

Job, a ccumhgach mhóir, do mhalluigh sé an lá iona rugadh é.

NA dhiáigh so dfoscuil Job a bheul,
agus do mhalluigh se a lá.
2 Agus do labhair Jób, agus a du-
bhairt.
3 Imthigheadh seachad an lá iona
rugadh me, agus a noidhche iona ndubh-
radh, atá leanabh mic ar na ghineamhuin.
4 Bíodh an lá sin na dhorchadas, na
fiireadh Día beann air ó neamh, agus na
lonnruigheadh an solus air.
5 Agradh dorchadas, agus scáile an
bhais é, comhnuigheadh néull air, uamh-
nuigheadh dorchadas an laé é.
6 Ar son na hoidhche sin, sealbhui-
gheadh dorchadus í, ná ceangaltar í do
laethibh na bliadhna, na tigeadh sí a
nuibhri na mios.
7 Féuch, bíodh a noidhchesin aonrá-
nach, ná tigeadh áon ghuth sóláfach innte.
8 Malluighdís an drong mhalluighios
an lá í, noch atá réidh do thógbháil a
ndóbróin súas.
9 Bídis réulta a camhaoire dorcha,
bíodh súil re solus aice, acht ná faghadh
é, narob mó do chife sí éirghe an laói.
10 Do bhrígh nar iáidh sí súas doirse
bhronn mo (mháthar), nár cheil sí doil-
ghios óm shúilibh,
11 Cred nár éug mé ar tteachd as an
mbroinn? cred nach bhfuáir mé bás a
nuáir tháinic mé amach as an mbolg?
12 Cred fár thoirmiosgadar na glúine
me? nó cred far (tugadh dhamh) na
ciocha do dhiughalfainn?
13 Oír do bhéinn anois am luighe go
suaimhneach, & do bhéinn ciuin; do choi-
déoluinn, annsin do bhéinn am chomh-
nuidhe;
14 A bhfochair Riogh & chomhairl-
each na talmhan, do rinne áite uáigneacha
dhóibh féin:
15 Nó a bhfochair phrionnsadh agá
raibh ór, noch do líon a ttighthe le hair-
giod.
16 Nó mar bhreith fholuighthe gan
ionbhuidh, ni bhéinn ann; mar naoidhea-
nuibh, nach bhfacaidh an solus a riamh.
17 Ann sin scruirid na droch dhaoine
do bhuaidhirt: agus ann sin bhios na
daoine corrtha na ccomhnuighe.
18 Annsin shuaimhnighid na príosún-
uigh a bhfochair a chéile, ní chluinid siad
guth an mhilltéora.
19 Atá an beag agus an mor annsin,
agus atá an searbhfhoghantuigh saor ó na
mhaighistir.
20 Cred as a ttugthar solus don tí
atá a ttruáighmhéile, agus beatha don
tsearbh ann anum?
21 Noch lear mhian bás, achd ní
thig sé, agus thochlas dá iarruidh, nísa
mho na ciste foluighthe.
22 Noch ghairdighios go hiomarcach,
agus ar a mbí lúathgháir a nuáir do ghea-
bhuid an nuaigh.
23 [Cred as a ttugthar solus] do
dhuine agá bhfuil a shlighe ar ceilt, agus
noch do iáidh Día a sligh.
24 Oir thig mo uchbhadhach súil
ithim, agus mo náalghubha ar na ndór-
tadh amach amhuil uisceadha.
25 Oir an ní dob eagal liom go mór,
tháinic sé orum, agus an ní roimhe ar
uáimhnigh mé, tháinic sé chugam.
26 Ni raibh mé a ndaingion; ní mó
do bhí suáimhnios agam, ní mó do bhí
mé ciúin: gidheadh tháinic búaidhreadh.

CAIB. IV.

Do agair Eliphas, mhósfhoighid ar Job, 7 do peacadh fuathmhur.

ANsin do fhreagair Eliphas an Tema-
niteach, agus a dubhairt,
2 Má chuirmíd romhuinn comhradh
do dhéanamh ríot, an mbiaidh doilghios
ort? acht cía fheadus é féin do chong-
mháil ó labhairt?
3 Féuch, do theagaisg tú féin mórán,
agus do neartuigh tú na lamha laga.
4 Do chongmhadar do bhriathra súas
an té do bhí ag tuitim, agus do neartuigh
tú na glúine fanna.
5 Acht a nois tháinic sé ort féin,
agus

agus do theid tú a nanbhſainne; do bhean
ſé riot, agus ata tú buaidhearta.
6 Nach i ſo heagla, do dhóthchus, do
dhóigh, & ſiréantachd do ſhlighteach.
7 Cuimhnigh, iarruim dathchuinge ort,
cia ſgrioſadh a riamh, ar mbeith neamh-
chionntach? nó cáit ar gearradh a mach
an ſireun?
8 Do réir mar do chonnaire miſi an
drong threabhus éaiceeart, agus chuirios
olc, beanaid an ní céadna.
9 Le ſideadh Dé imthighid ſiad, agus
le hanáil a pholláireadh marbhthar iad.
10 Núaill an leomhuin, agus guth
an leomhuin dhiſcir, agus fiacla an le-
omhan óg briſtear iad.
11 Téid an ſeinleomhan a mugha do
dhíth creiche, aguſ a táid cuiléin an le-
omhuin churata ſgartha ó cheile.
12 Anois tugadh ní go foluightheach
chugamſa, agus do ghabh mo chlúas
beagan de.
13 A ſmuaintighthibh ó fhiſibh na
hoidhche, a nuáir thuitios codhladh trom
ar na daoinibh.
14 Tháinic eagla orum agus crith, noch
do chuir mo chnámha uile ar crith.
15 Annſin do ghabh ſpiorad thor-
um ar maghuidh, do ſheas grúag mo
chuirp ſúas.
16 Dſan ſé na ſheaſamh, achd níor
bhféidir liomſa a fhoirm daithniughadh;
do bhí íomháigh as coinne mo ſhúl, do
bhí tochd ann, agus do chúala mé guth
(gha rádh.)
17 An mbía duine marbhthach ní as
ceirte ná Día? an mbiáidh duine ní
as fiorghlaine ná a chruthuigheóir?
18 Féuch, ní chuireann ſé táobha ar
bith iona ſheirbhiſeachuibh, agus cuiridh
ſé léimhe a leith a aingiol.
19 Cá mhéad ní ſa lugha annſa droing
áitreabhas a ttighthibh criadh, agá bhfuil
a mbunáit annſa luaithreadh, noch
bhníightear roimhe an míol críon:
20 Atáid ar na ſcrios ó mhaidin go
nóin, agus imthighid go bráth gan neach
dá ccronughadh.
21 Nach imthigheann ſeachad an
toirdhearcus atá ionnta? éaguid fós gan
eagna.

CAIB. V.

Gu ſmachtuighthear daoine maithe & ſaithe.

GOir a nois matá duine ar bith
fhreigeorus tú, agus cia aca do
na náomhuibh chum a bhfillſe tú?
2 Oir marbhuidh a nfearg an duine
amadánta, agus marbhuidh an fuath an
duine éaittréorach.
3 Do chonnaire mé an téaigcríonnach
ag glacadh fréimhe: achd ar ball do
mhalluigh mé a aitreabh.
4 Ataid a chlann a bhfad ó dhaingi-
on, agus atáid brúite ſan gheata, ni mó
atá aoinneach dá ttárthail.
5 Oir ithionn an tocrach a fhogh-
mhar ſúas, noch bheanas ſé as na d
ghnibh, agus ſluigidh an ſladmhoir
mhaóin.
6 Matá nach ttig aindeiſi amach
an luaithreadh, agus nach bhfáſan
dreadh as an ttalumh:
7 Acht cheana rugadh an duine
buaidheartha, mar éirghid na dri
ſúas.
8 Do ghuidhfinn chum Dé, agus
leith Dé do chuirfinn mo chúis:
9 Noch do ní neithe móra d
neithe iongantacha gan áireamh,
10 Noch do bhéir fearthuinn ar
ttalamh, agus chuirios uiſgeadha ar
machairighibh,
11 Do chur na druinge bhíos
ſúas go hárd, chor go náirdeoch
ac drung chumhthach a ndaingion.
12 Toirmioſguidh ſé tionnſcain
meabhlach, iondus nach bhféad
lámha a ttionſcanta do choimhlíona
13 Gabhuidh ſé na heagnuidhe
ngliocaſuibh féin: agus beirthior c
airle an deithneaſuidh ré ſánuidh.
14 Teagmhuidh an dorchadas ré
naimſir an laói, agus do níd ſm
thachd ſan meadhon laé amhuil an
noidhche.
15 Acht do ní dídean don bhocht a
an ccloidheamh, ó na mbéal, agus
láimh na ccumhachdach.
16 Mairſin atá dóigh ag an mbocht
agus ſtopuidh an téaicceart a béal.
17 Feuch, is ſona an té ſmachtuighe
Dia, uimeſin na tarcuiſnighſi ſmachtugh
adh a nuile chumhachtuigh.
18 Oir gortuighidh ſé, agus ceanglaidh
ſúas; loitigh ſé, agus do níd a lámha ſé
ſlán.
19 Sáorfa ſé thú a ſé buaidhearthuibh
fós a ſeachd ní bheanſa éanolc riot,
20 A ngorta fuáiſgéola ſé thú ó bhás:
agus a ccogadh ó chumhachdaibh a
chloidhimh,
21 Foileochthar thú ó ſciúrſa na
teangtha; ní mó bhías eagla an ſcrios
ort a nuáir thiucfas ſé.
22 Fá ſcrios agus ſa ghorta do dhéan
tú gáire: ni mó bhías eagla bheathach
na talmhan ort.
23 Oir biáidh tú a ſiothcháin re do
chaibh an mhachaire, agus béid beathach
an mhachaire ſiothach riot.
24 Agus aitheonuidh tú go mbiáidh
do thabernacuil a ſiothcháin, agus
uidh tú dféuchuin do bhunaidh, agus
dhéana tú peacadh.
25 Aitheonuidh tú mar an ccéadna go
mbia do ſhíol mór, agus do ſhliochd ma
fhéur na talmhan.
26 Tiucfuidh tú chum huáighe a n
iomláin, amhuil thig ſiog arbha
ſteach a nam iomchubhaidh.
27 Féuch ſo, do ſpíonamar é, is m
atá; éiſt é, agus bíodh a fhios agad
mhaith riot féin.

CAIB. VI.

[illegible] a ambghar, 12 tre neimhchionta; [illegible] fa deara ar a charuid a eaccaoine.

[illegible] Cht do fhreagair Job, agus a dubh-
airt.
[illegible] gan mo dhiolghios ar na chomh-
[illegible] thríd amach, agus mo thruái-
[illegible] ar na chur a meadhuibh a néin-
[illegible]d.
[illegible] a nois budh truime é ná gaineamh
[illegible]: uimesin atáid mo bhriathra ar
[illegible] fias.
[illegible] atáid soighde a nuile-chumh-
[illegible] ionnam a sligh, ibhigh a nimhsin
[illegible] fias; cuirid criothnuighthe
[illegible] féin a nórdughadh am aghaidh.
5 A ndéan an tasal fiadhain seitreach
[illegible] bhíos féur aige? nó an ngéimionn
[illegible] ós ccionn a bhídh?
6 [illegible] féidir an ní neamhblasta dithe
[illegible]? nó an bhfuil blas ar bith a
[illegible] na huighe?
7 [illegible] neithe rer dhiúilt manum buáin,
[illegible] mo bhíadh dóbrónach.
8 Uch, nach bhfaghuim mathchuinge
[illegible] go ndéonuigheadh Día dhamh an ní
[illegible] mo fhúil.
9 [illegible] go madh toil lé Día mó
[illegible], go sgaóileadh sé a lámh, a-
[illegible] do ghearradh amach.
10 Ann sin do gheabhuinn cabhair
[illegible] do chruáidheochuinn mé féin a
[illegible]; ná coigleadh sé, óir níor
[illegible] mé briathra an naóin náomhtha.
11 Cred é mo neart, as a mbiath
[illegible] agum? agus cred é mo chríoch
[illegible]ach, as a bhfaideochuinn mo
[illegible]?
12 A né mo neart, neart na ccloch,
[illegible] an bhfuil mfeóil do phrás?
13 Nach bhfuil mo chabhair ionnam?
[illegible] an bhfuil meagna ar na bhreith
[illegible] go hiomlán?
14 Don tí ar a mbí buáidhreadh, do
[illegible] cóir da charuid a éaccaóine; acht
[illegible] sé eagla a nuile-chumhachduigh.
15 Do frith mo dhearbhráithre go
[illegible] orum mar shruth, agus mar
[illegible] srotha, téighid thort:
16 Noch atá dorcha do bhrígh na
[illegible], agus ann a bhfuil an sneachda
a [illegible].
17 [illegible] bé uáir fhásaid siad te, tia-
[illegible]: a nuáir bhíd té, [illegible]-
[illegible] a náit iad.
18 Do hiompoigheadh casáin a sligh-
[illegible] do leathtaoibh, tiaghuid a neimh-
[illegible] éguid;
19 [illegible] coimhthionól Théma,
do [illegible] cuideachduigh Sheba orra.
20 Do [illegible] iad do bhrígh
go rabhadar dóthchusach: thangadar
[illegible] náitsin, agus do bhí náire orra.
21 Óir anois ní héáinní sibh; do chítí mo
[illegible] a sios, agus atá eagla oruibh.
22 A ndubhairt misi, tabhruidh chu-
[illegible]? nó tugaidh luáidheachd ar mo
[illegible] dá bhur maoin?
23 Nó saoruidh me o láimh na na-
mhad, nó fuásgluidh mé ó láimh an
chumhachtuigh.
24 Múinigh mé, agus coinneochuigh
mé mo theanga na tochd: agus tabh-
ruigh orum a thuigsin cáit a ndéarna mé
seachrán.
25 Cred é neartmhuire na mbríathar
ccceart? acht cred an ní imdhear-
gus bhur naighnios?
26 An saóiltí bríathra díomaithbhior,
agus glórtha an té atá a néadothchus,
noch atá mar ghaóith?
27 Iseadh, tuitidhe air an ndíleachta,
agus tochaltaoi log dá bhur ccaruid.
28 Anois uimesin bíthí bhur ttochd,
feuchuidh orumsa: óir is follus díbh
má nim bréug:
29 Fillidh, iarruim dathchuinge oruibh,
ná biodh sé na éaicceart; iseadh fillidh
a rís, a si mfíréantachd atá ann.
30 Ní bhfuil éaigceart ann mo
theanguidh? nach aithnighionn mo
charbad neithe domblasta?

CAIB. VII.

Gu bhfuil anacar réidh do gach duine. 20 Ach do léig Job a ghearán ré Día.

NAch bhfuil aimsir chinnte ag an
nduine air an ttalumh? nach
bhfuilid a láethe fós cosmhuil re láe-
thibh fhir túarusdail?
2 Amhuil íarrus serbhíseach go díth-
chiollach an scáile, agus mar bhíos
súil an fhir túarusdail re [luach] a
shaóthair.
3 Is marsin do rinneadh misi do
shealbhughadh míos díomh aóinis, agus
atáid oidhcheadha tuirseacha ar na
ccinneadh dhamh.
4 A nuáir luighim síos, a deirim,
ca huáir éireochus mé, agus imtheo-
chus a noidhche? agus bím lán díomlui-
tibh a nonn agus a nall, go soillsiu-
ghadh an laói.
5 Atá mo chorp ar na éadughadh
le péistibh, agus le spairtibh luaith-
righ, atá mo chroiceann briste, agus ar
mbréunadh.
6 Is luáithe mo laethe ná spól
figheadóra, agus atáid caite gan dóth-
chus.
7 O, cuimhnigh nach bhfuil ann mo
bheatha acht gaoth, ní fhaicfidh mo shúil
maith ní sa mhó.
8 Ní fhaicfidh súil an té do chonn-
airc misi ní sa mhó mé: atáid do shúile-
se orum, agus ní bhfuilim ann.
9 Mar imthighios an néull, agus lea-
ghas seachad: is marsin atá an té
théid síos do nuaigh, ní thiucfa sé a
níos ní sa mhó.
10 Ní fhillfidh sé ní sa mhó chum a
thighe; ní aithéonuidh a áit é ní sa mhó.
11 Uime sin ní choisgfidh mé mó
bhéul,

bhéul, laibhéoruidh mé a namhghar mo
ſpioraide, gearanſa mé a ſearbhus manma.
12 An fairge mé, nó an míol mór mé,
as a ccuireann tú faire am thimchioll?
13 A nuáir a deirim, comhfhuirteo-
chuidh mo leaba mé, do bhéara mo chúil
ſocamhal dom ghearán.
14 Annſin eagluighidh tuſa mé tré
aiſlingthibh, agus criothnuighidh tú mé
le fiſibh.
15 Jondus go ttoghann manum teach-
tadh, agus bas tar mo bheatha.
16 Fúathuighim é, níor bháill liom
marthuinn a ccomhnuidhe; léig dhámh
féin, óir ní bhfuil acht díomhaoineas ann
mo láethibh.
17 Cred é an duine, as a ndéantá a
mhéudughadh, & as a ccuirfeá do chroi-
dhe air?
18 Agus as a ttiucfa dá fhéuchuin gach
aon mhaidin, agus go ndeirbheochthá é
gach áon mhóiment?
19 Cá fad bhías tú gan dealughadh
riom, nó nach léigfidh tú dhamh go
ſluige mé ſíos mo ſheile?
20 Do pheacidh mé, cred do dhéana
mé riot, ó a dhídionóir na ndaóine?
cred fár ſhuighidh tú miſi mar chomhar-
tha ad aghaidh, iondus go bhfuilim am
mhuiridhin damh féin?
21 Agus cred fá nach maitheann tú
mo pheacadh, agus méaiccceart do chur
ar ccúl? óir coideoluidh mé a nois annſa
luáithreadh, agus íarrfa tuſa mé ar mai-
din, acht ní bhía mé [ar fagháil.]

C A I B. VIII.

Atá Bildad ag ugrá ar Job, gur chuir ſe eugcoir a leith Dhia.

ANſin do fhreagair Bildad an Suhi-
teach, agus a dubhairt.
2 Ca fad bhias tú ag labhairt na
neithionnſo? agus ca fad bhéid bríathra
do bhéil mar ghaóith láidir?
3 An cclaonann Día breitheamhnus? nó
an ccláonann an tuilechumhachdach ceart?
4 Má pheacuigheadar do chlann na
aghaidh, agus gur theilg ſé a mugha
íad ar ſon a bpeacuidh:
5 Dá nguidhſéa chum Dé a nam, a-
gus do ghearán do dhéanamh ris a nuile-
chumhachdach;
6 Dá mbeithéa fíorghlan, go deimhin
do mhúiſgeoladh ſé anois air do ſhon, &
do dhéanadh áitreabh hionnracuis ſona.
7 Matá gur bheag do thoſach;
thairis ſin do mhéideochadh ſé do
chrioch dheighionach go mór.
8 Oir fiafruigh, guidhim thú, do na
ſinnſioruibh, agus ullmhuigh thú féin do
ſpíonadh a naithreach.
9 (Oir is ó a né ſinne, agus gan fhios
aon neithe aguinn, do bhrígh go bhfuilid
ar láethe ar talamh amhuil ſgáile.)
10 Nach múinfid ſiad thú? agus
nach innéoſuid duit, agus nach aibéo-
ruid bríathra amach ó na ccroidhe?

11 An bhféadann an lúachair fás
gan lathuigh? an bhféadann an ſleadh
fás gan uiſge?
12 An ſeadh bhios fós iona ghlaise,
agus gan a ghearradh ſíos, críonidh ſí
roimhe luibh ar bith oile.
13 Is marſin atáid caſain gach áon
dhearmadas Día, agus rachuidh dóch-
chus a nfúarchráibhthigh a mugha:
14 Noch a ngearrfuighthear a dhó-
chus amach, agus noch a mbía a mui-
nighin amhuil líonradh dubháin alla.
15 Léigfidh ſé anonn é féin air a thigh,
achd ni ſheasfuidh ſé ris: coinneocha ſé go
daingion é, gidheadh ní mbairidh ſé ann.
16 Atá ſé glas as coinne na gréine,
agus ſínidh a bheangán a mach ina
ghairdín.
17 Atáid a fhréumha craptha tim-
chioll an chnocáin, agus do chí ſé áit
na ccloch.
18 Ma dhíbrionn ſé as a áit é, ansin
ſéunfuidh ſé é[gha rádh] Ní fhaca mé thú.
19 Féuch, iſi ſo lúathgháir a ſhli-
gheadh, agus fásfuidh neach oile as an
ttalamh.
20 Féuch, ní theilgfe Día feachad
duine iomlán, ní mó chuidéochus ſé le
luchd a nuilc do dhéanamh:
21 Nó go líonuidh ſé do bhéal le
gáire, agus do phuiſine le gairdeachus.
22 An drong fhuáithighios thú, éi-
deochthar lé naire iad, agus rachuidh
áitreabh an drochdhuine a neamhſhuim.

C A I B. IX.

Gu bfuil Dia ceart. 12 Nach cóir cur na aghaidh. 22 Agus go bféd ſé an neimh-chiontach do ſmachdughadh.

ANſin do freagair Iób, agus a
dubhairt.
2 Atá a fhios agum gur marſin atá
go fírinneach: acht ciondus do bhiath
duine ceart a bfiadhnuiſe Dé?
3 Má ní ſé imreaſain ris, ní fhéadann
é a fhreagra aon as an míle.
4 Is glic é a ccroidhe, agus is
cumhachtach a neart: cía chruádhuidh
é féin na aghaidh, agus rug buáidh?
5 An té noch athruighios na ſléibhte,
agus nach bí a fhios aca; noch iompor-
gheas bun ós cionn íad iona fheirg.
6 An té noch chroitheas an talamh
as a áit, agus go ccriothnuighid a
uáithnighe.
7 An té noch fhúagras don ghréin, a-
gus ní éirghionn ſí, agus ſhéaluigheas
ſúas na réulta.
8 An té amháin leathnuighios amach
na neamha, agus ſhaltras ar thonnuibh
na fairge.
9 Noch do ní Archúrus, Oríon,
agus Pleiades, agus ſeomradha an taoibhe
ó dheas.
10 Noch do ní neithe móra nach
féidir dfagháil amach, agus fós ion-
ganta gan áireamh.

11 Féuch, gabhuidh sé thorum, agus
[illegible] fhaicim é: imthighidh roimhe mar
[illegible], agus ní mhothuighim é.
12 Féuch, béiridh sé leis, cía fheadas
a thoirmiosc? cía a déara ris, cred ní
[illegible]?
13 Muna bhfilligh Día a fhearg, crom-
[illegible] cuidigh a núabhair faoi.
14 Nach ro lugha ná sin fhéaduimsi
[illegible] do thabhairt? agus mo bhríathra
[illegible] amach daighnios ris?
15 Dá nach tiubhruinn freagra, dá
[illegible] go mbeinn íonnruic, acht do
[illegible] gearán chum mo bhreithimh.
16 Dá ngoirinn, agus go bhfreagó-
[illegible] eision me, thairis sin ní chreid-
[illegible] go néistfeadh rem ghuth:
17 Oir brisigh sé mé le stoirim, agus
[illegible] sé mo chneadha gan adh-
bhar.
18 Ní fhuileonguidh sé dhamh manál
do tharraing, acht líonuigh sé mé le sear-
bhus.
19 Má labhruim ar neart, féuch, atá
[illegible] neartmhar: cía chuirfios amm
[illegible]] fios damh?
20 Má nim mé féin ceart, daimne-
[illegible] mo bhéul féin mé: [má deirim]
[illegible] iomlán; áiteochuidh sin mar an
[illegible] éaiccneasta mé.
21 Dá mbeith go mbéinn iomlán,
thairis sin ní aitheonuinn manum: do
[illegible] tarcuisne dom bheatha.
22 Ag so éainní amháin, uime sin a
[illegible] mé, scriosuidh sé an firéun agus
an cionntach.
23 [illegible]marbhann an sciúrsa go hobann,
do [illegible] seision gáire um dhearbhadh
a [illegible]chiontuigh.
24 Tugadh an talamh a láimh na
[illegible]dhaoine: folchaidh sé aighthe a
[illegible]; muna ndéarnadh,
[illegible], agus cía eision?
25 Anois is luaithe mo láethe ná
[illegible]: teithid as, ní fhaicid maith air
bith.
26 Atáid a nimtheachd as, amhuil
[illegible] luatha, do nós a niolair dheithfrigh-
eas chum a fhiadhuigh.
27 Má deirim, dearmodfa mé mo
[illegible], léigfe mé mo thuirse dhíom, a-
gus [illegible]chuidh mé mé féin.
28 Atáim eaglach fam uile dhoilghios-
aibh, atá a fhios agum nach measfa
[illegible]chiontach mé.
29 Má táim go holc, mar sin cred fá
[illegible] go díomhaóin?
30 Má nighim mé féin le huisge
[illegible], agus mo lámha do dhéanamh
[illegible]an nach rabhadar a ríamh;
31 Thairis sin, múchfuidh tusa annsa
díg mé, agus do bhéara méadach féin
[illegible] orum.
32 Oir ní duine eision mar misi, as
a tiubhruinn freagra air, agus as a
tticfaimís a ccionn a chéile a mbreith-
eamhnas.
33 Ní mó atá fear smachduighthe ea-
druinn, do leagfadh a lámh oruinn ar aon.
34 Beireadh seision a shlat uáimsi,
agus ná criothnuigheadh a eagla mé.
35 Annsin do laibheoruinn, agus ní
bhiadh eagla orum roimhe; acht ní
mar sin atá sé agam.

CAIB. X.

Cabi Iòb, fa bhuáidhreadh throm, do theacht ar dhuine leon.

ATá manum curtha dom bheatha,
fuigfidh mé mo ghearán orum féin,
laibheoruidh mé a searbhus manma.
2 Déara mé ré Día, ná damain mé,
foillsigh dhamh cred fá cceannairgeann
tú riom?
3 An maith dhuit féin go mbrúigh-
fea, go ttarcuisnighféa saothar do lámh,
agus déalrughadh ar chomhairle na cci-
onntach?
4 An súile colluidhe atá agad? nó
an mar do chí duine do chí tú?
5 An bhfuilid do láethe mar láethibh
an duine? an bhfuilid do bhlíadhna mar
láethibh an duine?
6 As a bhfuil tú ag loirgaireacht a
ndiáigh mo pheachuidhesi, agus ag spío-
nadh a ndiáigh mo chionnta?
7 Atá a fhios agad nach bhfuilim go
holc, agus nach bhfuil áon fhéadas
tárthàil as do láimhsi.
8 Asiad do lámha do rinne me, agus
do chum mé a cceann a chéile tim-
chioll fá gcuairt, gidheadh atá tú dom
sgrios.
9 Cuimhnigh, íarruim dathchuinge ort,
go ndéarna tú mé, mar an ccriáidh, agus
an mbéara tú chum an luaithrigh a rís
mé?
10 Nach ar dhóirt tú amach mé
amhuil bainne, agus do théucht tú mé
amhuil caise?
11 Déaduigh tú mé le croicionn agus
le feóil, agus do dhaingnidh tú mé lé
cnámhuibh agus lé feithibh.
12. Do dhéonuigh tú beatha agus
fabhar dhamh, agus do choimhéad do
chuairt mo spiorad.
13 Agus dfoluigh tú na neithesi ann
do chroidhe: atá a fhios agumsa go
bhfuil so agad.
14 Má pheacuighim, annsin comhar-
thuigh tú mé, agús ní saorfuidh tú
mé óm éicceart.
15 Má bhím cionntach, a mhairg
dhamh, agus má bhím fíréunta, mar sin
féin ní thóigfe mé mo cheann súas: a-
táim lán daindeise, uimesin faicsi mo
bhuaidhreadh:
16 Oir atá sé ag méadughadh: atá
tusa dom fhiadhach amhuil leomhan
disgir: agus a rís taisbeanuidh tú thú
féin iongantach orum.
17 Athnuaidhigh tú thfíadhuin am
aghaidh, agus méuduighidh tú thfearg
orum; atáid malarta agus cogadh am
aghaidh.
18 Uime sin cred as a ttug tú
amach

amach ás an mbroinn mé? Uch, nach
bhfagham bás, agus gan ſúil ar bigh
dom fhaicſin.
19 Do bhéinn amhuil nach béinn ann,
do hiomchórthaoi ón bhroinn gus a nu-
áigh mé.
20 Nach bhfuilid mo láethe tearc?
ſcuir maiſeagh, agus léig dhamh féin,
go madh héidir liom ſocamhal beag
dfagháil.
21 Suil rachus mé mar nach bhféad-
fuidh mé filleadh, go crích an dorch-
aduis, agus go ſcáile an bháis;
22 Dúithche dhorchaduis mar an ndor-
chadus féin, agus ſcáile an bháis, gan
órdughadh ar bith, agus áit a bhfuil an
ſolus mar an ndorchadus.

C A I B. XI.

Do chromuigh Sophar Jób arſon peacadh éigin folluightheach.

AN ſin do fhreagair Sophar an Na-
amatiteach, agus a dubhairt,
2 Nach ar chóir iomad na mbriathar
do fhreagra? agus an cóir fear iomaid
cainte do fhaoradh.
3 An ttiubhraidís do bhréuga ar
dhaóinibh bheith na ttochd? agus a
nuáir do ní tú magadh, a ndéana éan-
duine náireach thú?
4 Oir a dubhairt tú, atá mo theag-
aſg glan, agus atáim féin glan ad radh-
arcſa.
5 Acht, oh, nach labhrann Día, agus
a bhéul dofcladh ad haghuidhſi;
6 Agus go bhfoillſeochadh ſé dhuit
ſecréide an ghliocuis, go bhfuilid ſiad
dúbalta dhe ſin noch atá: tuig uimeſin
gur lugha íarrus Día ort, ná mar do
thuill do mhíghníomh.
7 An bhféadann tuſa le ſpíonadh
Día dfagháil amach? an bhfuighe tú a-
mach an tuilechumhachdach chum iom-
láine?
8 Atá ſin comhárd ré neamh, cred
fhéadas tuſa do thuigſin?
9 Is faide a thomhus ná an talamh,
agus is leithne é ná a nfairge.
10 Má ní ſé malairt, má íadhann ſé
ſúas, nó má chruinnighéann a cceann a
chéile, annſin cía fhéadas a thoirmioſg?
11 Oir aithnighidh ſé daóine díomh-
aóine: do chí ſé fós an tolc, nach
measfuidh ſé annſin é?
12 Oir budh mían leis a nduine ndío-
mhaóin bheith glic: bíodh go rugadh an
duine amhuil bromach aſſail fhíadháin.
13 Má ullmhuighionn tú do chroidhe,
agus do lámha do ſhíneadh amach chuige;
14 Má bhionn éaicceart an do láimh,
cuir a bhfad uáit é, agus ná fuluing olc
do chombnuidhe ann do thabernacluibh.
15 Oir annſin tóigfe tú do cheann
ſúas gan toibhéim, biaidh tú fós dain-
gion, agus ní bhiáidh eagla ort.
16 Do bhrigh go ndearmadſa tú
hanacra, agus go ccuimhneochaidh tú í
mar a nuiſce imthighios roimhe.
17 Agus biáidh haóis ní is [...]
ná an meadhón laói: déalroch[...]
amach, biáidh tú mar an maidin.
18 Agus biáidh tú ſuáimhneach, [...]
bhrigh go bhfuil dóthches[agad]; [...]
tochaluidh tú [ad thimchioll] agus [...]
fuidh tú do ſhuáimhnios a ndaingion.
19 Luidhfidh tú ſíos mar an cc[...]
na, agus ní chuirfe áonduine [...]
ort; do dhéanuid fós mórán athch[...]
chugad.
20 Acht failleochuid ſúile na cc[...]
tach, agus ní rachuid as, agus [...]
a ndóthchus amhuil féideadh anála.

C A I B. XII.

Gu bfuil ùig ag Día trè na chumhacht [...] gach nì, aindeis do chur fòs ar d[...] ceart.

AGus do fhreagair Jób, agus a dubhairt,
2 Ni bhfuil amharus gur ſibhſi na
daóine, agus rachuidh an gliocus d[...]
a néinfheachd ribh.
3 Acht atá tuigſe agamſa comhm[...]
ribhſi, ní bhfuilim ní is íſle ná ſibh:
fós cía ag nach bhfuil fios a leith[...]
ſo do neithibh?
4 Atáimſi, mar ſon ar na ſhoch-
mhuideadh ó ná chomharſain, noch
ghoireas ar Dhía, agus a bhfreagrann
ſé é: do nithear magadh tarcuiſneach
ar án nduine cheart dhíreach.
5 An té bhíos a ngar do ſciorradh
le na chuſuibh, atá ſé mar lampa thar-
chuiſneach a ſmuaineadh an tí bhíos ar
a ſhocarachd.
6 Atáid tabernacuil na ſladmhéi-
readh ſíothchánta, agus atáid an drong
fhearguidhios Día, daingion, dá ttabhair
Día [go hiomarcach] iona láimh.
7 Acht fíafruigh anois do na hain-
mhintibh, agus múinfid duit, agus éan-
laithibh a naieir, agus inneoſaid duit.
8 Nó labhair ris an ttalamh, agus
múinfidh ſé dhuit; agus foillſeochuid
eiſc na fairge dhuit.
9 Cía ag nach bhfuil a fhios díobhſo
uile, gur bi lámh an Tighearna do
rinne ſo?
10 A lámh a bhfuil anum gach uile
neithe bhí, agus anál án chinidh daonna
uile.
11 Nach dearbhann an chlúas bríath-
ra? agus nach blaiſionn an béul a bhiadh?
12 Ag na ſinnſearuibh atá an gliocus,
agus tuigſi a bhfad na láetheadh.
13 Acht aigeſion atá gliocus agus
neart, atà comhairle agus tuigſe aige.
14 Féuch, briſigh ſé ſíos, agus ní
héidir a chur ſúas a rís: iadhuidh ſé
duine ſúas, agus ní héidir oſcladh dhó.
15 Féuch, congmhaidh ſé na huiſgeadha,
agus tiormuighidh ſúas, agus cuiridh ſé
amach mar an ccéadna iad, agus iom-
poighid ſíad an talamh bun ós cionn.
16 Agus aigeſion atá an neart
agus an gliocus: is leis an té meallthar,
agus an té mheallas.

17 Beiridh,

17 Beiridh sé comhairligh leis ar na [illegible], agus do ní sé óinmhide do na breitheamhnuibh.

18 Sgaoilidh sé cuibhreach na Ríogh, agus crioslaighidh sé a ccaoil le crios.

19 Beiridh sé prionnsadha leis millte, agus claoidhigh an cumhachtach.

20 Athruighidh sé glór a nfiréin, agus [illegible] leis tuigse an tsean-[illegible].

21 Dóirtigh sé tarcuisne ar phrionnsadhaibh, agus laghaduigh sé ceart na gcumhachdach.

22 Foillsighidh sé neithe doimhne as a ndorchadas, agus do bheir sé amach [illegible], scáile an bháis.

23 Méaduighidh sé na cineadhacha, agus scriosaidh sé iad, fairsingidh sé na [illegible], agus cumhangaidh sé iad a rís.

24 Tógbhuidh sé leis croidhthe na [illegible] is oirdhearca ar dhaóinibh na talmhan, agus do bheir orra bheith ar seachrán a bhfásach, mar nach bi slighe ar bith.

25 Bid ag sméarthachd annsa dorchadas a néagmhuis soluis, agus do bheir sé orra tuitim anonn sa nall mar fhear meisge.

CAIB. XIII.

[illegible] ar Iób a pheacadh daithnughadh, 21 Nach bi cionfáth dá thrioblóid.

Féach, do chonnairc mo shúil so uile, do chúala mo chlúas agus do thuig sí é.

2 An ní is fios dáoibhse, atá fios an neithe céadna agumsa, ní bhfuilim ní is ísle ná sibh.

3 Go deimhin budh mían liom labhairt ris a nuilechumhachdach, agus atá fonn orm aighnios do dhéanamh ré Día.

4 Acht go deimhin is luchd cumtha bréag sibhsi, is leagha nach fíu éainní sibh uile.

5 Uch, nach éistí uile; agus budh é sin bhur ccríonnachd.

6 Éistigh a nois rem aighnios, agus tugaidh aire do dhíospóireacht mo bhéil.

7 An labhbeorthaói go cláon ar son Dé? agus a ndéantaoi caint go meallthach ar a shon?

8 An ngéubhthaói a phearsa chugaibh? a ndéantaói imreasain ar son Dé?

9 An maith go spíonfadh sé amach sibh? no mar fhochmhuideas duine ar oile, an marsin budh áill libhsi magadh do dhéanamh airsion?

10 Go deimhin aithfeoruidh sé oruibh, má ghlacthaói pearsanna go seicréideach.

11 Nach déana a oirdhearcussan eaglach sibh? agus nach ttuitfidh a úamhan oruibh?

12 Atá bhur ccuimhne cosmhuil ré luaith? bhur ccuirp re corpuibh críadh.

13 Bíthi bhur ttochd díomsa, léigidh dhamh go labhra mé, agus tigeadh orum an ní is áill.

14 Cred fá nglacuim mfeóil ar mfiacluibh, agus fá ccuirim mo bheatha ann mo láimh?

15 Dá mbeadh go muirfeadh sé mé, thairis sin cuirfe mé mo dhóigh ann: acht coiséona mé mo shlighthe féin dá lathair.

16 Budh eision fós mo shlánughadh: óir ní thiucfaidh súarchráibhtheach dá lathair.

17 Éistigh go dúthrachdach rem ghlór, agus rem fhoillsiughadh le bhur cclúasaibh:

18 Féuchuidh anois, do chuir mé mo chúis a nórdughadh, atá a fhios agum go ccéirteochthar mé.

19 Cia hé féin thaigeorus riom? óir anois má bhím am thochd, faóidhfidh mo spiorad asum.

20 Amháin ná déana dhá ní riom: annsin ní fhoileochuidh mé mé féin uait.

21 Tarruing do lámh a bhfad uáim: agus ná cuireadh húamhan eagla orum.

22 Annsin goirse, agus freagoruidh mé: nó léig dhamh labhairt, agus tabhairsi freagra orum.

23 Cred é uibhir méigceart, agus mo pheacadh? tabhair orum mo shárughadh, agus mo pheacadh daithniughadh.

24 Cred fá bhfolchann tú haghaidh, & fá measann tú misi am námhuid dhuit?

25 An mbrisfidh tú duilleóg teilgthe anonn sa nall? agus an ngérleanfa tú an connlach tirim?

26 Oir scríobha tú neithe searbha am aghaidh; agus do bheir tú orum sealbhughadh a néigceart móige.

27 Cuiridh tú mo chosa mar an ccéadna annsa cheap, agus féachuidh tú go cáol ann mo chasanuibh uile; cuiridh tú cló ar sháluibh mo chos.

28 Agus eision, imthighidh sé as mar ní lobhtha, amhail éadach ithid léamuinn.

CAIB. XIV.

Foillsiughadh ar dhiúmbaineas na beathasa.

DUine beirthior ó mhnaói bí sé gearrshaoghlach, agus lán damhgar.

2 Fásuidh sé do nós blátha, agus gearrthar sios é; teithidh sé fós mar scáile, agus ní fhanann sé go búan.

3 Agus an bhfosclann tusa do shúile air a leithéid sin? agus an ttugann tú misi chum breitheamhnuis chugad?

4 Cia fhéadas ní glan do bhuain as ní neamhghlan? ní fhéadann éanduine.

5 O chítear gur cinneadh a láethe, atá uibhir a mhíos agadsa, dórduigh tú a thóronna nach bhféadann sé dul thársa.

6 Fill úadh, chor go bhféadfadh súaimhniughadh, nó go ccoimlionuidh sé a lá amhail formáluigh.

7 Oir bí dóigh as crann, má gearrthar sios é, go ngabhlorhuidh a rís, agus nach sguirfidh a bhuinneán máoth.

8 Má tá go mbiáidh a shréamh foir-

se annsa talamh, agus go rachuidh a
bhun déug annsa chriáidh:
9 Thairis sin tré chongnamh a nuisge
fásfuid a bheangáin, agus do bhéara a-
mach cráobha amhuil plannda.
10 Acht éuguidh an duine, agus im-
thighidh sé as: agus an tan thoirbhi-
reas an duine a spiorad súas, cáit a
bhfuil sé?
11 Mar fhaillighid na huisgeadha ó
nfairge, agus thráighios an tuile, agus
thiormuighios súas:
12 Marsin luighios an duine sios, agus
ní éirghionn nó go rabhuid na neamha
gan a bheith ann ní sa mhó, ní mhúis-
ceoluid síad, agus ní dhúiseochar as a
ccodladh íad.
13 Uch, nach bhfolchann tusa misi
annsa nuáigh, nach congmhann tú a nuaig-
nios mé, go ndeachuidh thfearg thorum,
nach cuirionn tú aimsir chinnte sios
damh, agus mo chuimhniughadh.
14 Má gheibh duine bás, an mbiáidh
sé béo a rís? fuireochuidh mé lé huile
láethibh maimsire cinnte, nó go ttí mo
mhalairt.
15 Goirfidh tusa, agus freagoruidh
misi thú, biáidh dúil agadsa a nobair
do lámh.
16 Oír anois áirmhigh tú mo chois-
céimigh, nach bhfuil tú ag faire ós
cionn mo pheacuigh!
17 Atá mo fhárughadh ar na shéu-
ladh súas a mala, agus fuaighidh tú
súas méaicceart.
18 Agus go deimhin an sliabh bhíos
ar ttuitim, téid sé as: agus áthruigh-
thior an charruig as a háit.
19 Cathaid na huisceadha na clocha,
cuiridh tusa ar neimhní na neithe fhásas
as criáidh na talmhan, díobhháighidh tú
dóthchus an duine.
20 Búadhuigh tú go bráth na aghaidh,
agus imthighidh seision: áthruighidh tú
a chruth, agus cuiridh tú ar siubhal é.
21 Tigid a mhic chum onóra, agus
ní bhí a fhios sin aigesion; agus cuir-
thear síos íad, acht ní bheir seision aire
orra:
22 Acht do gheabha a fheóil na
thimchioll, pian, agus guilsidh a anam a
stigh ann.

CAIB. XV.

Do spreag Eliphas Iób mar dhuine do chur eagla Dé far ccúl.

1 AN sin do fhreagair Eliphas an Tema-
niteach, agus a dubhairt,
2 Nar chóir do dhuine chríonna éolus
díomháoin do labhairt, agus a bholg do
líonadh leis an ngaoith a noir?
3 Ag tagra le glór míothairbhach, nó
le briathruibh le nach bhféadann sé maith
ar bith do dhéanamh.
4 Aseadh, do theilg tusa eagla dhíot,
agus do thoirmisg tú urnaighthe a bhfi-
adhnuise Dé.
5 Oir labhruidh do bhéul héigceart,
agus beiridh tú teanga an chealgaire [illegible]
roghain.
6 Damnuighidh do bhéal féin thú, [illegible]
ní misi: is íad do phuisine féin [illegible]
nuighios a taghaidh.
7 An tusa an céadduine do rugadh?
nó a ndéarnadh thú roimhe na [illegible]
cuibh?
8 An gcúala tú secréid Dé? [illegible]
leithrigheann tú an gliocus duit [illegible]
9 Cred é an fios atá agadsa, [illegible]
bhfuil aguinne? cred thuigios tú [illegible]
bhfuil ionnuinne?
10 Atáid aguinne araon an [illegible]
ceinnlíath, agus an duine rosboirb, [illegible]
ro fhine ná hathair.
11 An bhfuilid furtachda Dé [illegible]
agadsa? an bhfuil éainní secréideach
agad?
12 Cred as a mbeirionn do chroidhe
leis thú, agus cred air a smédid do
fhúile,
13 As a niompoighionn tú do spio-
rad a naghaidh Dé, agus a ligionn
tú na bríathrasa do dhul amach as do
bhéul?
14 Cred é an duine, as a mbíath sé
glan? agus an té rugadh ó mhnaoi, as
a mbíath sé fíréunta?
15 Féuch, ní chuireann sé ionntaoibh
iona náomhuibh, ní bhfuilid fós na nea-
mha glan na fhiadhnuise:
16 Ca mhéid níos adhfhuathmhaire,
agus níos shailche na sin atá an duine,
noch ibhios éigceart amhuil uisge!
17 Taisbeanfuidh misi dhuit, éist ri-
om, agus an ní do chonnairc mé foill-
seochuidh mé é.
18 Noch do inniliodar dáoine gli-
oca ó na naithribh, agus níor cheil-
dar é:
19 Dár tugadh amháin an talamh, a-
gus níor imthigh coimhidhtheach ar
bith na measc.
20 Siubhluigh an drochdhuine a bpéin
ar feadh a shaoghail, agus ceiltior uibhir
a bhliadhan don bhruidhteach.
21 Bí tormán úamhnach iona chlú-
asuibh; tiucfuidh an millteóir air iona
mhacnus.
22 Ní chreidionn sé go bhfillfidh sé
amach as dorchadas, agus atá an clái-
dheamh ag fuireach ris.
23 Bí sé air sirshiubhal ag iarraidh
aráin [gá radh] cáit a bhfuil sé? atá
a fhios aige go bhfuil lá an dorchadais
aige air ball.
24 Do dhéana buaidhreadh & guais
eaglach é, béaruid síad buaidh na aghaidh,
amhuil Rígh ullamh chum catha.
25 Oir sínidh sé a lámh amach a na-
ghaidh Dé, agus neartuighidh sé é féin
a naghaidh a nuilechumhachduigh.
26 Ríothaidh sé air, air a mhuinéal,
at bholguibh tiugha a sciathadh.
27 Do bhrígh go bhfolchann sé a
ghnúis lé na mhéathus, agus do ní coilga
méathuis air a bhléinuibh,

28 Agus

[illegible] Agus [illegible]áitreabhuigh sé a ccaithrea-
[illegible]cha, a ttighthibh ann nach
[illegible]ionn éanduine, noch atá ul-
[illegible] bheith na ccárnánuibh.
[illegible] báidh sé saidhbhir, ní mó bhuáin-
[illegible] a shubsdaint, ní fhaideochuidh sé
[illegible] air an ttalamh.
[illegible] Ní dhéiloochuidh sé amach as dor-
[illegible], tiormochuidh an lasair súas a
[illegible], agus lé hanáil a bhéil rach-
[illegible]
[illegible] caireadh an té atá meallta a
[illegible] a ndíomhaóineas: óir budh dí-
[illegible] a luaigheacht.
[illegible]thear é roimhe a am,
[illegible] a bheangán glas.
[illegible] sé dhe a cháor ana-
[illegible] an ccrann ola.
[illegible] Oír báidh comhchruinniughadh
[illegible]bhtheach áonránach; agus
[illegible] dún na ccumhthach.
[illegible] Toirchear ó urchóid iad, agus
[illegible] iad olc, agus ullmhuigh a mbolg
[illegible]eacht.

CAIB. XVI.

[illegible] 7 Páib a dhoilghios, 17 [illegible] fós [illegible].

ANn do fhreagair Jób, agus a dubhairt.
2 Do chuala mé morán dá leithéidibh
[illegible]: is buáidheartha na co-
[illegible] sibh uile.
3 An [illegible] deireadh ar bhríath-
[illegible]! nó créd ní thusa
[illegible] a bhfreagrann tú?
4 [illegible] féin labhairt mar an
[illegible], mar do níthise; dá mbeith bhur
[illegible] a náit manmasa, dféadfuinn bría-
[illegible] do chrúachadh súas ann bhur na-
[illegible], agus mo cheann do chrothadh
[illegible].
5 Do [illegible]chuinn sibh lé mo bhéul,
agus do [illegible]deochadh corrughadh mo
[illegible] [bhur ndoilghios.]
6 [illegible] labhruimsi, ní laghduigh-
thear mo dhoilghios: agus má tá go ccoif-
[illegible], créd é an fuaradh atá agum?
7 Acht a nois do rinne sé currtha mé:
do [illegible] tusa mo chuideachda uile uáig-
neach.
8 Agus do líon tú do chnaguibh me,
mar [illegible] [am aghaidh], agus mo
[illegible] ag éirghe súas ionnum, do ní
[illegible] a cclár méadain.
9 [illegible] sé mé iona fheirg, an té
[illegible] mé; do ní sé gíoscán le na
[illegible] orum, géuruigh mo námhuid
a [illegible] orum.
10 Do chraososcladar orum le na mbéul,
do bhuáileadar mé air an ngruáidh go
[illegible], do chruinnigheadar iad féin
a ccumann a chéile am aghaidh.
11 Do sheachuid Día don duine neimh-
dhíadha mé, agus díompoigh sé uadh me
a lámhuibh na ndrochdhaoine.
12 Do bhí mé a suaimhneas, acht do
[illegible] sé ó chéile mé: do ghlac fós ar
[illegible] mé, agus do chroith a mblogh-
uibh mé, agus do chuir súas mar cho-
mhartha dhó féin mé.
13 Do thimchiolladar a shaigheadóirigh
mé fá gcuáirt, brisidh sé mo dhubháin ó
chéile, agus ní choigleann sé; dóirtigh sé
mo dhomblas amach air an ttalamh;
14 Brisidh sé mé lé briseadh ar bhri-
seadh; ríothuidh sé orum amhuil aitheach;
15 Dfuáigh mé saiceadh air mo chroi-
cionn, & do shaluigh mé madharc annsa
lathuigh.
16 Atá mo ghnúis gránna ó ghul, agus
atá scáile an bháis ar fhorrdhubhuibh
mo shúl.
17 Ní air son éainégceirt ann mo láimh-
si, mar an gcéadna as glan murnaighe.
18 O a úir, ná foluighse mfuilmh, agus
ná faghadh méighiomh ionad ar bith.
19 Mar an gcéadna anois, feuch, atá
mfiadhnuise ar neamh, agus atá mo
chuimhniughadh annsna háitibh árda.
20 Is tarcuisneach lem cháirdibh mé,
acht atáid mo shúile ág dórtadh déur
chum Dé.
21 Uch, nach éidir lé neach tagra ar
son duine re Día, amhuil [thagras]
duine ar son a chomharsan.
22 A nuáir thiucfaid beagán bliadhan,
annsin rachuidh mé san tslighe as nach
bhfillfidh mé.

CAIB. XVII.

Gur neart do nfhirein Dia, neach do chuirios crioch ar a thriobloid.

ATá manál truáillidhe, do caitheadh
mo laethe, atáid na huáighe réidh
romham.
2 Nach bhfuilid luchd magaidh am
fhochair? agus nach bhfuil mo shúil do
ghnáth iona mbrosdughadh?
3 Léig sios anois, cuir misi a ndain-
gion ad fhochair, cía hé an té bhuáilfios
lámha ríom?
4 Oír dfoluigh tusa a ccroidhe ó thuic-
sin: uimesin nach áirdeochuidh tú iad.
5 An té labhrus spleadhachus re na
chairdibh, is dearbh go bhfailleochuid
súile a chloinne.
6 Do rinne sé dhíomsa mar an
gcéadna focal magaidh an phobail, agus
do bhí mé am phiob rompa.
7 Atá fós mo shúil céodhach tre dhoil-
gheas, agus atáid mo bhoill uile amhuil
scáile.
8 Biáid daoine ionnraca critheaglach
uimeso, agus corrochuidh an neimhchi-
ontach é féin súas a naghaidh a nfúar-
chráibhthigh.
9 Congmhaidh fós an fírein a shlighe féin,
& fear na nlamha glan neartochar é ní smó.
10 Acht air bhur sonsa uile, fillidh, agus
tigidh anois, óir ní fhéaduimsi áonduine
glic dfaghail eadruibh.
11 Do chúadar mo láethe thoram, do
briseadh amach mo thionnscanta, eadhon
smuáintighe mo chroidhe.
12 Athruighid siad a noidhche ann a
lá: atá an solus a bhfogus do bhrígh an
dorchadais.

13 Má fhuirighim, si a nuáigh mo thi-
gh: do rinne mé mo thigh a ndorchadas.
14 A dubhairt mé ris an morgadh, is
tú mathair: ris an bpeist, is tú mo mhá-
thair, agus mo dheirbhshiur.
15 Agus cáit a bhfuil anois mo dhóth-
chus? ar son mo dhóthchuis, cía chi-
feas é?
16 Rachuid siad sios go barradhuibh
an luig, a nuáir bhías ar ccomhnuighe
lé chéile annsa chriáidh.

CAIB. XVIII.

Ata Bildad ag cur uabhar a leith Job. 5 Ar ag teacht tar anacra an drochdhuine.

ANsin do fhreagair Bildad an Suhí-
teach, agus a dubhairt,
2 Cá fad bhías, suil chuirfios tusa crí-
och air bhríathruibh? comharthuigh,
agus na dhiaigh sin laibheoruimne;
3 Cred fá measstar sinne mar ain-
mhintidh, agus mhímheasta ann do ra-
dharcsa?
4 Stiallfuidh sé é féin iona fheirg: an
ttréigfighthear an talamh ar do shon-
sa? agus an náthrochthar an charrac as
a háit?
5 Aseadh, cuirfidhthear solus an droch
dhuine as, agus ní dhéalrochuidh drith-
le a thineadh.
6 Biáidh an solus na dhorchadas iona
thigh, agus cuirfighthear a choinneal as
maille ris féin.
7 Dhéanfuighear coisceime a neirt cu-
mhang, agus téilgfidh a chomhairle féin
sios é.
8 Oir atá sé teilgthe a lion le na cho-
suibh féin, águs atá sé ag siubhal air
painter.
9 Glacfuidh an painter é air shail, agus
béaruidh an sladmhóir air.
10 Atá an painter léigthe fá na cho-
mhair annsa talamh, trap na choinne
annsa tslighe.
11 Cuirfid criothnuighthe eagla air ar
gach aontaóibh, agus cuirfid a muini-
ghin a chos é.
12 Biáidh a neart ocrach, agus biáidh
scrios réidh agá tháobh.
13 Cnaóifidh sin neart a chroicinn,
eadhon cnaóifidh céaidghin an bháis a
neart.
14 Tochaltfar a dhóthchus amach as
a thigh, agus béaruigh sin go Rígh na
núathbhás é.
15 Aitreabhuigh sé iona thigh do
bhrígh nach leis féin é: croithfighear
ruibh ar a áitreabh.
16 Tiormochthar a fhréumha shíos, &
gearrfuighthear shúas a bheangáin amach.
17 Scriosfuighthear a chuimhne as an
ttalamh, agus ní bhfuighe sé ainm ar
bith annsa tsráid.
18 Dibeorthar ó sholus go dorchadas
é, agus tairsneochthar é as a tsaoghal.
19 Ní bhiáidh mac, nó mac mic aige
a measc a dhaóine, nó duine béo iona
áitibh.
20 An drong thiucfas na dhiáigh béid
lán dúathbhás fa na lá, mar do bhí
drong do chuáidh roimhe imeaglach.
21 Go deimhin isé so áitreabh an
drochdhuine, agus isé so áit an té di nach
aithnid Día.

CAIB. XIX.

Ata Job ag gabhail Sólas dó féin a a eiseirighe ó mharbhuibh.

ANsin do fhreagair Job, agus a dubhairt,
2 Ca fad bheithí ag buáidhreadh
manma, & dom bhriseadh a ccotchaibh
lé bríathruibh?
3 Na deich nuáiresi do mhaslaigh-
bhair mé: ní bhfuil náire oruibh go ndéa-
nabhair sibh féin coimhidhtheach dhamh.
4 Agus go deimhin a ccás go ndéarna
mé seachrán, fanaidh mo sheachrán a
gam féin.
5 Mas deimhin go mórnighthi sibh
féin am aghaidh, agus go ttaigeorthaibh
am aghaidh mo mhasla:
6 Biodh a fhios aguibh anois gur lé
Día do chlaóidh mé, agus do thimchill
mé le na lion.
7 Féach, goirim na comhairc ar a né-
gcóir, achd ní cluintear mé: éighim go
hárd, ácht ní déantar breitheamhnus ar
bith.
8 Do dhruid sé súas mo shlighe nach
bhféaduim imtheachd, agus do chuir sé
dorchachd am chasánuibh.
9 Do nochd sé as mó ghlóir mé, agus
rug sé an choróin dom cheann.
10 Do mhill sé mé da gach áon taóibh,
agus dimthigh mé: agus do áthruigh sé
mo dhóthchus amhuil crann.
11 Do adhain sé mar an gcéadna a
dhioghaltas am aghaidh, agus measaidh
sé mé dhó féin mar a naimhde.
12 Tigid a bhuidhne a cionn a chéile,
agus tógbhuid súas a slighe am aghaidh,
agus suighid timchioll fá gcuairt mo
thighe.
13 Do chuir sé mo dhearbhráithre a
bhfad uáim, agus ataid mo luchd aithea-
ta thríd amach coimhightheach dhamh.
14 Do fháilligheadar mo luchd gaóil, &
do dhearmadar mo cháirde muintear-
dha mé.
15 Measuidh an drong áitreabhus am
mo thigh, & mo chailínigh mar choimhi-
dhtheach mé: is oidhe mé ann a radharc.
16 Do ghoir mé air mo sheirbhíseach,
agus níor fhreagair sé mé: do athchuir-
ghidh mé é lé mo bhéul.
17 Atá manál coimhidhtheach dom
mhnaói, má tá gur iarr mé a nonóir
chloinne mo chuirp féin.
18 Fós do tharcuisnigheadar leinbh
óga mé, déirigh mé, agus do labhradar
am aghaidh.
19 Do fhúathuigheadar mo cháirde
disle uile mé: agus an drong do ghrádh-
uighios, dfilleadar am aghaidh.
20 Do cheangail mo chnámha dom
chroiceann agus dom fheoil, agus atáim
ar ndul as maille re croicionn mfiacal.
21 Biodh

21 [illegible] truaighe agaibh dhamh, bíodh
truaighe agaibh dhamh, ó mo cháirde :
óir do bhain lámh Dé riom.
22 Cred as a bhfuiltísi dom ingh-
reim mar [do ní] Día, agus nach lór
[illegible] mfeóil ?
23 Uch, nach bhfuilid mo bhríathra
[illegible] scríobhtha, uch, gan íad a celó
a leabhar :
24 Go mbeidís greanta lé peann íaruinn
[illegible] luighe, a ccarruic go bráth.
25 Oir atá a fhios agum go mairionn
[illegible]tahóir, agus go seasfuidh sé an lá
deighionach air an ttalamh.
26 Agus má tá go ccrinnfidh [péist]
an corpa tair éis mo chroicinn, thairis
[illegible] do chífe mé Día ann mfeóil.
27 Misi féin do chífeas ar mo shon
[illegible] agus ní neach oile, agus do chí-
[illegible] mo shúile é : [matá] gur leaghadar
[illegible] a lligh ionnam.
28 Acht dob ionráidh dhibhse, Cred
[illegible] leanmuidne dhá inghreim?
29 [illegible] eaglach roimhe an gclói-
dheamh : óir do bheir an téaigceart pi-
anna an chloidhimh [leis,] chor go mbía a
fhios agaibh go bhfuil breitheamhnus ann.

C A I B. XX.

An Sophar ag foillsiughadh flaid & deireadh an drochdhuine.

AN sin do fhreagair Sophar an Na-
amatteach, agus a dubhairt,
2 Ar a nadhbharsin do bheiridh mo
smuaintighe orum freagra; agus ar a
[illegible] do nim deithnios.
3 Do cháala mé armáir mo sceannla,
agus do bheir spiorad mo thuigsiona
[illegible] freagra.
4 Nach bhfuil a fhios so agadsa rí-
amhó [illegible]eadh an duine air an ttalamh.
5 Gur gearr caithréim an drochdhoine,
agus gairdeachus an fhúarchráibhthigh
nach bhfuil acht móiment ann ?
6 Matá go néirghionn a oirdhearchus
[illegible] na neamhaibh, agus go roith-
[illegible] a cheann na néulla :
7 Thairísin rachuidh sé amugha go
[illegible], mar a shalchar féin : déaruid an
[illegible] do chonnairc é, Cáit a bhfuil sé ?
8 [illegible] sé ar siubhal amhuil aisling,
agus ní fhuighthear é, agus teithigh
[illegible] amhuil bríonglóid na hoidhche.
9 Mar an gcéadna an tsúil do chon-
nairc é, ní fhaicfidh sí ní sa mhó é, ní
mó amhairc fios a áit féin é ní sa mhó.
10 [illegible] a chlann na boichd do
[illegible], & aiseogaid a lámha a maóin.
11 Atáid a chnámha lán do pheacadh-
aibh a óige, noch luighfios leis sios ann-
sa chréidh.
12 Bíodh gur milis leis olc iona
bhéal, bíodh go bhfolchann sé fa na
theangaidh é ;
13 Bíodh go ccoiglionn sé é, agus
nach tréigionn é, acht a choimhéud
choidhche a lár a charbaid :
14 Gidheadh iompoighidh iona innigh-
ibh, is é domblas na naithreach nimhe ann é.
15 Do shluig sé saidhbhrios síos, a-
gus sceithfidh sé a níos íad a rís :
teilgfidh Dia amach as a bholg íad.
16 Súighfidh sé nimh na naithreach :
muirfidh teanga a naithir nimhe é.
17 Ní fhaicfidh sé na haibhne, na
srotha, na sruthain mheala, agus ime.
18 An ní air son ar shaothruigh sé,
aiseoguidh sé é, agus ní shluigfidh sé
síos é, do réir a mhaóine bhias an tai-
seag, agus ní dhéana sé gáirdeachus ann.
19 Do bhrígh go ndéarna sé sáru-
ghadh, agus gur thréig sé na boicht, do
bhrígh gur bhean sé amach ar éigean
teagh nach é féin do thóg.
20 Go deimhin ní mhoitheochuidh sé
suáimhneas iona bholg, ní thárthochuidh
sé don ní agá raibh dúil aige ann.
21 Ní fuicfighthear éinni dá bhíadh :
uimesin nach biáidh súil ag aonduine re
na mhaóin.
22 A niomláine a thábhachta biáidh
sé a gcumhgach : tiucfaidh lámh gach
uile dhrochdhuine air.
23 A nuáir bhias sé ar tí a bholg
do líonadh, teilgfidh Dia fráoch a fheir-
ge air, agus fearfuidh air é an feadh
bhias ag ithe.
24 Teithfidh sé roimhe a narm íar-
uinn, agus buáilfidh an bodha cruáidhe
thríd é.
25 Atá sé tairrngthe, agus thig sé
amach as an ccorp, thig an cloidh-
eamh loinneardha amach as a dhom-
blas ; atáid úathbhais air.
26 Biáidh a nuile dhorchadas ar na
fholach iona áitibh secréideacha ; loisg-
fidh teine gan tséideadh é : is olc rachus
don té fhuigfighthear ann a thigh.
27 Foillseochuidh neamh a éigceart, &
éireochuidh an talamh súas na aghaidh.
28 Deileochuidh bíseach a thighe
ris, agus imeochuidh [a mhaóin] fea-
chad a ló a fheirge.
29 Ass so cuid ronna an drochdhuine
ó Dhia, agus a noighreacht do chin-
eadh ó Dhia dhó.

C A I B. XXI.

Gu bhfuil fós, cuid ranna na ndrochdhaoine paillt ar an tsaoghalsa gu minic.

ACht do fhreagair Job, agus a dhu-
bhairt.
2 Eistigh go dúthrachdach rem bhrí-
athra, agus bíodh so a nionad bhur
núrgháirdighthe.
3 Fuilingidh dhamhsa go labhruinn,
agus tar éis mé do labhairt, déanuidh
magadh fós.
4 Ar mo shonsa, an ré duine atáim
ag gearán ? achd dá mbeith sin mar-
sin, cred as a mbiath mo spiorad
buaidheartha ?
5 Féuchuidh orumsa, agus bíodh
iongnadh oruibh, agus leagaidh bhur
lámh air bhur mbéul.
6 Eadhon a nuáir chuimhnighim, a-

táim eaglach, agus glacaidh critheagal greim dom fheóil.

7 Cred é an tadhbhar as a mairidh an drochdhuine, as a seanuid, a mbid fós neartmhar a ccumhachtaibh?

8 Daingnighthear a síol iona radharc maille ríu, agus a sliochd as coinne a súl.

9 Atáid a ttighthe daingean ó eagla, ní mó bhíos slat Dé orra.

10 Ginidh a ttarbh, agus ní fhaillighionn sé, beiridh a mbó láogh, agus ní theilgionn sí a gamhuin.

11 Cuirid síad a ndaóine beaga úatha amach amhuil tréad, agus do nid a cclann damhsa.

12 Glacuid an tiompán, agus an chláirseach, agus gáirdighid ré guth a norgáin.

13 Caithid a láethe a saidhbhrios, agus a móiment téid síad san nifrigh.

14 Uimesin a deirid re Día, Dealuigh rinn: óir ní bhfuil sonn aguinn a néolus do shlightheach.

15 Cred é an tuilechumhachdach, ás a ndéanamaóisne serbhís dó? agus cred í an tarbha do gheabhamaóis dá nguidhmís chuige?

16 Féuch, ní bhfuil a maith féin ann a láimh, is fada comhairle na ndrochdhaóine uáimse.

17 Ca mhionca cuirthear coinneal na ndrochdhaoine as? Agus cá mhionca thig a naidhmhilleadh orra; roinnidh [Dia] dolás íona fheirg.

18 Atáid mar chonnlach ar aghaidh na gaóithe, agus mar lóchán bheirios an stoirim lé.

19 Taisgidh Dia a éaicceart súas a ccoinne a chloinne: do bheir sé luáigheachd dó, agus aitheonuidh sé é.

20 Do chífid a shúile a aidhmhilleadh, agus ibhthigh sé dfeirg a nuilechumhachdaigh.

21 Oir cred é an sólás atá aige iona thigh na dhiaigh, a núair ghearrthar amach uibhir a mhíos ann a lár?

22 An múinfidh duine ar bith éolus do Dhia: ó ní sé breitheamhnus ar an ndroing bhíos árd?

23 Téid áon déag a niomláine a neirt, ar mbeith dhó go hiomlán a socamhal agus a suáimhneas.

24 Atáid a chiocha lán do bhainne, agus atáid a chnámha ar na máothughadh o smior.

25 Agus éugaidh duine oile a searbhus a anma, agus ní ithionn choidhche maille re sólás.

26 Luighfid síad araon ionann annsa chriáidh, agus foileachuid na péiste iad.

27 Féuch, atá fios bhur smuainidh agamsa, agus na ttionnsganta smuáineas sibh lé heagcóir am aghaidh:

28 Oir a dearthaói, Cáit a bhfuil teagh an phrionnsa? agus cáit a bhfuilid áite comhnuighthe na ndrochdhaóine?

29 Nach ar fhiafruigheabhair don luchd ghabhus an tslighe thoruibh, agus nach tuicthí a ccomharthuighe?

30 Go ccoigeoltar an droch [illegible] a ccoinne lá a naidhmhillte, [illegible] mach iad chum laoi an díoghaltais.

31 Cía innéosas a shlighe as coinn[illegible] aighthe? agus cía chúiteochus rís [illegible] ndéarna sé.

32 Gidheadh béarthar chum na [illegible]ghe é, agus fanfaidh sé annsa [illegible]

33 Budh milis leis fóide an [illegible], agus tairreongaidh gach [illegible] dhiaigh, mar atá ro iomad [illegible]

34 Maiseadh cred as a [illegible] misi go díomhaóin, ó tharla [illegible] ann bhur bhfreagarthaibh.

CAIB. XXII.

Nach bhfuil ionnracas an duine, tarbhach do Dhia.

AN sin do fhreagair Eliphas an Temaniteach, agus a dubhairt.

2 An bhféadann duine bheith tarbhach do Dhia? Mar tá an té atá críonna [illegible] do fhéadfadh bheith críonna dhó féin?

3 An bhfuil sólás ar bith do [illegible] chumhachtach, thusa do bheith ionnraic? nó an tarbha dhó thusa do dhéanamh do shlightheach iomlán?

4 An ttiubhra sé aithbhior dhuit ar eagla romhad? an rachuidh sé a mbreitheamhnus riot?

5 A neadh nach mór héaicceart, agus nach bhfuilid do choirthe dó[illegible]nuighthe?

6 Oir do ghlac tú geall ód dhearbhrathair gan adhbhar, agus do [illegible] tú a néaduighe don ttarnocht.

7 Ní thug tú uisge re ól don duine [illegible]tha, agus do connaimh tú arán ó [illegible]

8 Acht ar son an duine ch[illegible]uigh, do bhí an taluimh aige, agus do áitreabh an duine onórach ann.

9 Do chuir tú baintreabhacha uáit folamh, agus do bhádar rìghthe[illegible] na ndílleacht briste.

10 Uimesin atáid painteir [illegible] ad thimchioll, agus eagla [illegible] ag cur bhuaidhheartha ort;

11 Nó dorchadas nach [illegible] dfaicsin, agus iomad uisge [illegible]

12 Nach bhfuil Día a [illegible] theamhnuis? agus féuch áirde na [illegible]tann, cred é áirde atáid síad.

13 Agus a deir tusa, cionnas atá a [illegible] ag Día? an bhféadann sé breath[illegible]ghadh thríd an néull dhorcha?

14 Néulla tiugha as folach dhó, chor nach bhfaicionn sé, agus siubhluigh sé timchioll fhlaitheamhnuis.

15 Nar comharthaigh tusa an tsean tslighe, noch do shaltradar na drochdhaóine?

16 Noch do gearradh síos roimhe an ar báitheadh a mbunáit lé tuile.

17 Noch a dubhairt ré Día, Dealuigh rinn, & cred fhéadas an tuilechumhachdach do dhéanamh ar a son súd?

18 Gidheadh do líon sé a ttighthe do neithibh maithe: achd is fada comhairle na ndrochdhaóine uáimse. 19 Do

19 [illegible] chídh na firéin sin, agus atáid
[illegible], agus do ní an nemh-
[illegible] gáire tarcuisneach fútha.
20 A [illegible] nach ar ghearradh ar
[illegible] sinn, acht loisgidh an teine
[illegible]ighiollsan.
21 Cuir thú féin a numhuil Dósan
agus bí síodhchánta; leis sin
[illegible] maith chugad.
22 [illegible], iarruim mar athchuinge ort,
[illegible]adh as a bhéul, agus cuir a
[illegible] síos ann do chroidhe.
23 Má fhilleann tú chum a nuile-
[illegible]chdaigh, cuirfighthear súas thú,
[illegible] tú éigceart a bhfad ó do thigh-
[illegible].
24 Ann sin cuirfidh tú ór ar muin a
[illegible] mar luáithreadh, agus ór Ophir
[illegible] clochaibh na nabhann.
25 [illegible] fós an tuilechumhachdach
[illegible] agad, agus do gheabha tú
[illegible] airgid.
26 Óir annsin biáidh do dháil annsa
[illegible]chdach, agus tóigfe tú do
[illegible] súas chum Dé.
27 Do dhéana tú do ghuidhe chuige,
[illegible] éistidh sé riot, agus díolfuidh tú
[illegible].
28 Cuirfidh tú fós ní romhad, agus
[illegible] dhuit é: loinnearfuidh
[illegible] ar do shlighthibh.
29 A nuáir theilgfighthear daóine
[illegible] a déara túsa, atá tógbháil
[illegible] agus sábháluidh (Día) an duine
[illegible].
30 [illegible] sé oiléan an neimhchion-
[illegible] atá sin ar na shaóradh le
[illegible] do lámhsa.

CAIB. XXIII.

[illegible] Iób a chúis do chur a láthair [illegible] daoine.

A[illegible] do fhreagair Iób, & a dubhairt,
2 A[illegible] cheana is searbh mo ghea-
[illegible] mo bhuille ná mosnagh.
3 [illegible], gan a fhios agam cáit a
[illegible] eision: chor go bhféadfuinn
[illegible] go nuige a chathaoir.
4 Do [illegible] sios mo chúis dá la-
[illegible] do líonfuinn mo bhéul lé
[illegible].
5 Do bheith fios na mbriathar agam
do [illegible]adh sé dhamh, agus do thuig-
[illegible] a déaradh sé riom.
6 An [illegible]óruidh sé am aghaidh lé
[illegible] mór? ní headh, acht
do chuirfeadh sé neart ionnam.
7 Annsin do fhéadfadh an firéun aigh-
[illegible]; marsin do bheinnsi saor go
[illegible] ón bhreithiomh.
8 [illegible], teighim ar maghaidh, acht
ní [illegible] eision ann; agus ar mo chúl,
acht ní mhothuighim é.
9 Ar a láimh chlé mhar a noibrighionn
sé, acht ní fhéaduim a fhaicsin: folchuidh
sé é féin air an láimh dheis, iondus nach
[illegible] é.
10 Acht atá fios na slígheadh a nga-
bhuim aige: a nuáir dheirbheochus sé
mé, tiucfaidh mé amach amhail ór.
11 Do chonnuimh mo chos a choiss-
céime, do chonnuimh mé a shlighe, agus
níor chláon mé.
12 Ní mó do chorruigh mé ó aithean-
tuibh a bhéil, do budh mór mo mheas
ar bhríathuibh a bhéil, ni is mó ná mo
ríachdanus [bídh].
13 Acht atá seision déain [inntinn]
agus cía fhéudas a fhilleadh, agus gidh-
bé ar bith is toil le na anam, sé sin
féin do ní sé.
14 Oír coimhlíonuidh seision an ní do
hórduigheadh dhamhsa, & atáid mórán
do na neithibhsin aigesion.
15 Ar a nadhbharsin atáimsi ar mo
bhuáidhreadh na fhiadhnuisi: a nuáir
mheasuim, bím eaglach roimhe.
16 Oír do ní Día mo chroidhe bog,
& buáidhrigh an tuilechumhachdach mé,
17 Do bhrígh nar gearradh amach mé
roimhe an dorchadas, ní mó do fhol-
uigh sé an dórchadas óm ghnúis.

CAIB. XXIV.

Go bhfúilid súile Dé aireach ar slighe luchd an uilc.

Cred uime, ó nach bhfuilid na haim-
seara air ceilt ó a nuilechumhach-
dach, nach bhfaicid an drong darab
aithnid é, a láethe?
2 Athruighid dream comharthadha
a nfearuinn, beirid tréuda ar éigin
léo, agus ithid cuid díobh.
3 Tíománuid rompa asal na ndíllea-
chdadh, glacaid damh na baintreabhuigh
mar gheall.
4 Iompoighid an ríachdanach as a
tslighe: folchuid boichd na talmhan íad
féin a bhfochair a chéile.
5 Féuch, mar assaluibh fíadhta ann-
sa díothramh, téid síad amach chum a
noibre, ag éirghe go moch chum creiche:
do bheir an fásach beatha dhóibh féin
agus dá cclóinn.
6 Beanuidh [gach aon aca] a arbhar,
annsa machaire, agus cruinnighid fí-
neamhuin an drochdhuine.
7 Do bheirid ar an tírnochd luighe
gan éadach, go nach bí folach aca ann-
sa bhfíachd.
8 Bíd fliuch ó cheathaibh na slíabh,
agus glacuid chuca an charraic, duireas-
bhuidh fascuigh.
9 Tairngid síad an dílleachda ón
chích, agus beirid geall ón bhocht.
10 Do bheirid air imtheacht lomnachd
gan éadughadh: agus beirid an pl.unn-
ann ón nocrach,
11 (Noch) do ní ola táobh a stigh dá
mballadhuibh, agus bhruidhios a bhfín-
eamhuin, agus fhuilingios tart.
12 Bíd daóine ag osnadhuigh táobh
amuich don chathruigh, & éighidh anum
an chréuchtuigh ós aird: thairis sin ní
chuirionn Día leimhe na leith.
13 Atáid so don druing chathuighios a
naghaidh

naghaidh an tſoluis; ní bhfuil fios a
ſligheadh aca, ní ſhanuid ann a chaſánuibh
14 An ſealltach ag éirghe leis an
tſolus, marbhuidh ſé an bocht agus an tí
air a mbionn riachdanus, agus ann ſa
noidhche bidh mar ghaduidh.
15 Bí ſúil a nadhaltrannuigh mar
an gcéadna ag feithiomh ris an maidin,
ghá rádh, Ní fhaicfidh áontſúil me: agus
folchuigh ſé a ghnúis.
16 Annſa dorchadus tochluid ſiad tré
thighthibh, noch do chomharthuigheadar
dhóibh féin ſan ló: ní aithnighid an ſolus.
17 Oir bí an mhaidion dóibhſion a-
mhail ſcáile an bháis: má aithnighionn
áonduine iad, bíd a ccreathuibh ſcáile
an bháis.
18 Lúath é mar na huiſceadhuibh, is
malluigh a chuid ronna ar an ttalamh: ní
amhairceann ſé ſlighthe na bhfíneamh-
nach.
19 Fuaduighidh tiormach agus teas na
huiſceadha ſneachda: mar ſin do ní a
nuáigh ris an ndroing do pheacuigheas.
20 Dearmodfuigh an bhrú é, beatho-
chuidh an phéiſt go milis air, ní cuimh-
neochthar ní ſa mhó é, agus ſtiallfuigh-
thear an tolc mar chrann.
21 Bí ſé go holc ris an diosc nach bei-
rionn, agus ní dhéanann maith don
bhaintreabhuigh.
22 Táirngidh ſé mar an gcéadna an
cumhachdach le na neart; éirghidh ſé
ſúas, agus ní bhia aóinneach daingionn
as a mharthuinn.
23 (Biodh) gur tugadh dhó bheith a
ndaingean, ar a mbí a ſhuáimhneas:
thairis ſin bíd a ſhúile ar a ſlighthibhſion.
24 Tógthar ſúas iad ar feadh tamuill,
acht ní bhuilid ann, agus beirthior ſios
iad; beirthior as a tſlighe iad, mar a
nuile dhuine oile, agus gearrthar amach
iad mar cheannuibh déus arbha.
25 Agus mun budh mairſin atá anois,
cia dhéanas miſi bréagach, agus dhéanas
mo ghlór beagluáich.

CAIB. XXV.

Atá Bildad ag foillſiughadh nach bhfuil duine ar bith fíorghlan a lathair Dhé.

AN ſin do fhreagair Bildad an Suhi-
teach, agus a dubhairt,
2 Atá tighearnus, agus eagla ionna
fhochairſion, do ní ſé ſiothcháin iona
áitibh árda.
3 An bhfuil áiriomh ar bith air a
fhluaghaibh? agus cia air nach éirghionn
a ſholus?
4 Ciondus maiſeadh do dheantar
duine ceart ag Día? nó cionnus fhéadus
ſé bhéith glan, an té rugadh ó mhnaói?
5 Féuch cheana air an ngealuidh, a-
gus ní dhealruighionn ſi; ní bhfuilid fós
na réulta glan iona radharc:
6 Ca mhéid nios lugha ná ſin an
duine atá na phéiſt, agus mac an duine
atá na phéiſt?

CAIB. XXVI.

Admhall ar ghliocuis agus mhórch... chda Dé

ACht do fhreagair Job, agus a
dubhairt,
2 Ciondus do chuidigh tuſa le
an té atá gan chumhachd? cionnus
ſhábháil tú an lámh gan neart?
3 Ciondus do chomhairligh tú an té
atá gan chriondachd? agus cionnus
fhoillſigh tú go fairſing an ní mar atá?
4 Cia ré ar labhair tú bríathra? agus
cia an ſpiorad tháinic uait?
5 Cumthar neithe marbha ó íochtar
na nuiſgeadh, agus a áitreabhaigh ſin.
6 Atá ifrionn nochtuighthe ina
fhiaghnuiſe, agus ní bhfuil folach ar
aidhmhilleadh.
7 Sínidh ſé an tuaiſceart amach tar
a náit fholuimh, agus crochuidh ſé an
talamh ar neimhní.
8 Ceangluidh ſé ſúas na huiſceadha ina
a néulluibh tiugha, agus ní réabthar an
néull fútha.
9 Congmhuidh ſé ar ccúl aghaidh
a chathaóire, agus leathnuigh ſé a
néull air.
10 Do thimchioll ſé na huiſceadha le
teórannuibh, nó go ttí an lá agus an
noidhche chum críche.
11 Criothnuighid poſtadha fhlaithis,
agus bídh critheagla orra re na ar-
maire.
12 Roinnigh ſé a nfairge le na chu-
mhacht, agus lé na thuigſin buailidh ſé
thrid an tuaibhreach.
13 Do ſciamhuigh ſé na neamha le
na ſpiorad: ſi a lámh do chum a nathir
nimhe cam.
14 Féuch, is cuid dá ſhlighthibh ſiad-
ſo: acht cred í laghad na coda do
chlos uadha! acht cia ſhéadas tóirneach
a chumhachd do thuigſin?

CAIB. XXVII.

Ní ionann mar éirgheas do na ſaoithibh le do na daoithibh ſa dheóigh.

TUilleamh oile, do bhuanaigh Job iona
eiſiomláir, agus a dubhairt,
2 Mar mhairios Día, noch rug leis
mo bhreitheamhnus, agus an tuilechu-
mhachdach noch do bhuáidhir manam;
3 An feadh bhias manál ionnamſa, &
bhias ſpiorad Dé ann mo pholláiribh;
4 Ní laibheoruidh mo bhéul urchóid, ni
mó chanfas mo theanga mealltóireachd.
5 Nár léigidh Día go ndéanuinn ſibhſi
ceart, ní áthrochuidh mé miomláine uáim.
6 Congmhuim mionnracus go daingion,
& ní léigfiod uáim é: ní mhaiſleochuidh
mo chroidhe mé an fad bhias mé béo.
7 Bíodh mo námhuid mar an droch-
dhuine, agus an té éirghios ſúas am
aghaidh mar an cciontach.
8 Oir cred é dóthchus a nſúairchráibh-
thigh, matá gur tharbhaidh ſé ní, a
nuáir bheirios Día a anum leis.
9 A néiſtfidh Día a chomhairc an tan
thiucfas buaidhreadh air? 10 An

10 An ccuirfe sé a dhúil ann sa uilechumhachdach? an ngoirfidh sé a ccomhnuighe air Dhia?

11 Múinfidh missi sibh maille re láimh Dé: an ní atá ag a nuilechumhachtach, ní cheiliomsa é?

12 Féuchuidh, do chonncabhair féin uile é, maiseadh cred as a bhfuiltí marso díomhaoin go huilidhe.

13 Ass í so cuid ronna an drochdhuine ó Dia, agus oighreachd luchd a nfoirnéirt, noch do gheabhuid síad ó uilechumhachdach.

14 Má bhíonn a chlann ar líonadh, is sí choinne an chloidhimh, agus ní sáitheochthar a shiolradh le harán.

15 An drong mhairfios úadha, adhlaicfidhear annsa bhás íad: agus ní ghuilfid a bhaintreabhacha.

16 Biodh go gcrúachfadh sé fúas airgiod mar an luáithreadh, agus go nglé-uidh sé éadach mar an lathuigh;

17 Is féidir go ngléasfadh seision é, acht is an tionnruic chuirfios uime é, agus an nemhchiontach roinnfios an tairgiod.

18 Cuiridh sé a thigh súas mar mhíol chríonn, agus mar an mboith do ní an tíodhaire.

19 Luighfidh an duine saidhbhir síos, acht ní chruinneochthair é, fosgluidh sé a shúile, agus ní bhfuil sé ann.

20 Glacaidh critheagal greim air amhail uisceadha, gadaidh stoirim as é san oidhche.

21 Beiridh án ghaoth a noir lé é, agus imthighidh sé, agus amhuil ansa ionnsuigh as a áit é.

22 Oír caithfidh [Día] air, agus ní choigeoluidh sé é, budh mían leis teítheamh as a láimh.

23 Buailfid daóine a mbasa fa chéile uime, agus sgigfid amach as a áit é.

C A I B. XXVIII.

Gur iomlan tuigse Dé a neitibh nádurdha.

IS deimhin go bhfuil míanach ag a nairgiod, agus áit ag a nór mar a leaghaid síad é.

2 Beantar íarann as an ttalamh, agus leaghthar prás as an chloich.

3 Cuiridh duine críoch don dorchadas, agus spíonuidh amach a nuile iomlaine: clocha an dorchadais, agus scáile an bháis.

4 Brisidh an tuile amach ó náitreabhach, eadhon na huisceadha dearmuidthear ón chois: do tiormuigheadh súas iad, do imthigheadar ó na dáoinibh.

5 Ar son na talmhan, is as thig an tarán, agus faói sin iompoighthear sios mar do bhiath teine.

6 Is iad a chlocha áit na Saphir, agus bí luáithreadh óir ann.

7 Atá casán nach bhfuil a fhios ag éon ar bith, agus nach bhfacuidh súil a pséúch.

8 Níor shaltradar coiléin an leomhain air, níor ghabh an leomhan borb láimh ris.

9 Cuirigh sé a lámh amach air an ccarruic; iompoighidh bun ós cionn na sléibhte as a bhfréumhuibh.

10 Gearruidh sé aibhne amach a measc na ccarrac, agus do chí a shúil gach éinní mòrluáigh.

11 Ceangluidh sé na haibhne gan tuilíughadh thairis, agus an ni bhíos a bhfolach, do bheir sé amach é chum soluis.

12 Acht cáit a bhfaghthar críonnachd? agus cáit a bhfuil ionad na tuigsiona?

13 Ní bhfuil fios a luáigh sin ag duine, agus ní mó do gheibhthear a ccrích na mbéo í.

14 A deir an taigéan, ní bhfuil sí ionnamsa: agus a deir a nfairge, Ní bhfuil sí am shochairsi.

15 Ní héidir a fagháil ar ór, ní mó thoimheostar airgiod ar son a luácha.

16 Ní héidir a meas lé hór Ophir, leis an óinix mórluáigh, nó leis a Saphir:

17 Ní fhéadan an tór nó an croistal a comhmóradh, agus ní bhía a malairt ar shéuduibh dór fhínealta.

18 Ní tiucfuighthear thar croibhél, nó thar phéarluibh: óir atá lúach na críonnachda ós cionn na ccloch mbúadha.

19 Ní coimhmeas ré Topas na Hetiope í, ní mó comhthromar í le hór fíorghlan.

20 Cáit maiseadh as a ttig an chríonnacht? agus cáit a bhfuil ionad na tuigsiona?

21 O thárla a bhfolach í ar shúilibh a nuile dhuine béo; agus ar na congmháil a bhfolach ó eunuibh a naiéir.

22 A deir an taidhmilleadh agus an bás, do chúalamar a túarusgbháil sin lé ar gclúasuibh.

23 Tuigidh Día a slighe sin, agus atá fios a háite aige.

24 Oír féuchuidh sé go himlibh an domhuin, agus do chí sé faoi neamh go hiomlán,

25 Do dhéanamh an chomhthruim do na gáothaibh, agus comhthromuigh sé na huisceadha le miosúr.

26 A nuáir do rinne sé órdughadh do nfearthuinn, agus slighe do theinntigh na tòirnighe.

27 Ann sin do chonnairc sé í, agus dfoillsigh sé í, dullmhuigh se í, do spíon sé fós amach í:

28 Agus a dubhairt sé ris an nduine, Amhairc, eagla an Tighearna, sí sin an chríonnacht, agus olc do sheachna, is tuigsi sin.

C A I B. XXIX.

Job a ninmhe oirdheirc.

TUilleamh fós, do lean Job air a shamhlughadh agus a dubhairt,

2 Uch, gan mé mar do bhádhus an-
ſna míoſuibh do chuáidh thorum, a-
mhuil na láethe ar dhídin Día mé.
3 A nuair do dhéalruidh a choinneal
ar mo cheann, agus a nuáir do ſhiubhail
mé thríd a ndorchadas le na ſholus:
4 Mar do bhí mé a láethibh móige,
a nuáir do bhí ſecréid Dé ar mo
pháilliún.
5 A nuáir do bhí an tuilechumha-
chdach fós maille riom, a nuáir do bhá-
dar mo chlann am thimchioll:
6 A nuáir do nigh mé mo choiſcéime
le bim, agus do dhóirt an charrac a-
mach ſrotha ola dhamh:
7 A nuáir do chuáidh mé amach chum
an gheata thríd an ccathruigh, a nuáir do
ghléuſuinn mo ſhuidheachan annſa tſráid.
8 Do chídís na daóine óga mé, agus
dfolchaidís íad féin: agus do éirgheadh
an tárſuidh, agus do ſheaſadh ſúas.
9 Do chuirdís na prionnſadha ſrían
re na ccaint, agus do chuirdís a lámh
air a mbéul.
10 Do éiſdidís na huáiſle, agus do
bhíodh a tteanga ceangailte ann a
ccarbad.
11 A nuáir do chluineadh an chlúas
mé, annſin do beannuigheadh ſí mé,
agus a nuair do chíſiodh an tſúil mé, do
chuireadh ſi fiadhnuiſi liom.
12 Do bhrígh go ſaoruinn an bocht
do éigheadh, agus an dílleachda, & an té
nach bíodh áon aige do thárthochadh é.
13 Do thigeadh beannachd an té do
bhí réidh chum báis orum, agus do
thógbhuinn croidhe na baintreabhuigh
chum abhrán do gabháil lé lúathgháir.
14 Do chuir mé ionnracus orum, agus
déuduigh ſé mé: do bhí mo bhreitheam-
mhnus amhail róba agus diadem.
15 Do bhí mé am ſhúilibh ag an ndall,
agus do budh coſa don bhacach mé.
16 Do bhí mé am athair ag an
mbochd: agus do ſpíonuinn amach an
chúis nach bíodh a fhios agam.
17 Agus do bhriſinn giall an droch-
dhuine, agus do tharruinginn a néadáil
as a fhiacluibh.
18 Annſin a dúbhairt mé, Do gheabha
mé bás ann mo nead, agus méideóchuidh
mé mo láethe amhuil gaineamh.
19 Do leathnuigheadh mo fhréamh
amach láimh ris na huiſceadhaibh, agus
do luidh an drúcht air feadh na hoidh-
che air mo bheangán:
20 Do bhí mo ghlóir úr jonnam, & do
hathnuáigheadh mo bhogha ann mo láimh.
21 Do bheirdís daóine éiſteacht
damh, agus do fheithedís orum, agus
do nídís rún air mo chomhairle.
22 Tar éis mo bhriathar ní la-
bhraidís a ris, agus do ſhileadh mo
ghlór orra:
23 Do bhídís ag fúil riom, mar do
bheidís air fhearthuinn, agus dfoſclaidís
a mbéul go fairſing, amhail a ccoinne
na ſearthanna deighionuigh.

24 Dá mbéin ag gáiridhe [...]
chreidfidhís mé, agus níor theilg[...]
ſios ſolus mo ghnúiſe.
25 Do thogh mé amach a ſlighe, [...]
do ſhuigh mé mar cheannfort, [...]
comhnuigh mé mar Rígh annſa [...]
mar áon chobhruighios na dóbr[...]

CAIB. XXX.

Job a nimmbe uirísle.

ACht anois an drong is óige [...]
miſi, atáid ag magadh orum, [...]
ar tharcuiſneach leam a naithre [...]
ſhuighiughadh a bhfochair [...]
mo thréuda.
2 Cred cheana dá bhfoigheann[...]
neart a lámh dhamh, noch [...]
chuidh a naóis fhoirſe a mugha.
3 Tre riachdanus agus [...]
bhádar uáigneach; ag teitheadh [...]
bhfáſach fa naimſir do chuáidh [...]
uáigneach fáſambuil.
4 Noch do ghearradh a nios [...]
cáin láimh ris na craóbhuibh, [...]
fréumha juniper mar bhíadh.
5 Do díbreadh amach íad ó [...]
meaſc daoine, (do éigheadar na ndiaigh
amhuil a ndíaigh gaduigh.)
6 Chum áitreabhadh a ſcealpaibh na
ngleann, a nuambuibh talmhan, agus an-
ſna cairgibh.
7 A meaſc na ndoſán do ſgréachadar:
fá na neanntóguibh do chruinnigheadar
a bhfochair a chéile.
8 Do bhádar na ccloinn amadán, fós
na ccloinn daoine gan ainm ar bith: do
budh meaſa íad ná an chriaidh.
9 Agus a nois is miſi is abhrán
dóibh, is mé a bhfocal magaidh.
10 Dfuathuigheadar mé, teithid ſiad
a bhfad uáim, ní choiglid gabháil do
ſheilighibh am éudan.
11 Do bhrígh gur ſcaóil [Día] mo
ſhlabhradh, agus gur bhuáidhir ſé mé, do
léigeadar fós an ſrían ſcaoilte romham.
12 Eirghid na hóganuigh dom láimh
dheis, ſraóilid ſiad mo choſa uáim, agus
tógbhuid ſúas am aghaidh ſlighthe a
naidhmhillte féin.
13 Millid ſiad mo chaſán, cuirid ſiad
maindeiſe air a haghaidh, gan caidigh-
theach ar bith aca.
14 Tangadar orum amhuil briſeadh
a ſteach foirleathan: annſa dólás thán-
gadar ar muin a chéile orum.
15 Do hiompóigheadh úathbhás o-
rum: do níd tórúigheachd air manum
mar an ngaoith: agus imthighidh mo
ſhólás uáim mar néull.
16 Agus a nois atá manam ar na
dhórtadh amach orum; do ghlacadar
láethe a namhghair greim dhíom.
17 Atáid mo chnámha ar na ttolladh
jonnam a naimſir na hoidhche: agus ní
ghlacuid mféitheach ſuáimhneas.
18 Le méid chumhachd [meaſláinte]
atá méadach ar na athrughadh: ceang-
luidh ſé timchioll mé mar choiléur mo
chóta.

19 Do theilg ſé mé ſan laithigh,
agus gur coſmhuil mé re púdar, agus re
luaith.
20 Eighim chugadſa, agus ní chluin
tú mé : ſeaſaim ſúas, agus ni bhí beann
agad orum.
21 Tháinic tú go ſiochmhar chu-
gam : led láimh láidir chuireas tú thú
am aghaidh.
22 Tógbhuidh tú ſúas mé chum na
gaoithe : do bheir tú orum marcuigh-
eacht do dhéanamh uirre, agus ſcaóil-
idh tú ó chéile mo ſhubſtaint.
23 Oír atá a ſhios agam go mbéura
tú chum báis mé, agus an tteagh do
ceapadh do nuile bhéo.
24 Acht cheana, ní ſhínfidh ſé a
lámh amach chum na huáighe, matá go
ccomhairfid ſiad iona léirſcrios.
25 A neadh nach ar chaóin miſi ar
ſon an té do bhí a mbuáidhreadh ?
nach raibh manum doilghioſach ar ſon
an bhoicht ?
26 A nuáir do bhí ſúil agam re maith,
is ann tháinic olc chugam ; agus a nu-
áir do bhí mé ag féithiomh re ſolus, is
ann tháinic dorchadas.
27 Do ſhiuchadar minnighe, agus
níor ſhuáimhnuigheadar ; thangadar láe-
the anbhfair romham.
28 Dimthigh mé ag gearán gan an
ghrian ; do ſheas mé ſúas, agus do éigh
mé annſa noireachdus.
29 Is dearbhrathair do dhragúnuibh mé,
agus compánach do Ullchabhchánuibh.
30 Atá mo chroiceann dubh orum,
agus do loiſgeadh mo chnámha lé teas.
31 Do hiompóigheadh mo chláirſeach
mar an gcéadna a ndóbrón, agus morgán
a nguth na druinge ghuilios.

C A I B. XXXI.

Iob ſiorrach togcuaſach a niomdha dleaſdanas.

DO rinne mé eachd rem ſhúilibh :
uimeſin cred fá ſmuáinteochuinn
ar mhaighdin ?
2 Oír cred an roinn ó Dhia atá ó a
níos, agus cred a noighreachd don
uilechumhachdach ón náit áird ?
3 Nach bhfuil ſcrios a ndán don
drochdhuine ? agus pionós iongantach
do lucht oibrighthe a néigceirt ?
4 Nach bhfaiceann ſeiſion mo ſhligh-
theſi, agus nach áirmhioan mo choiſ-
céime uile ?
5 Má ſhiubhail mé lé díomhaóineas,
nó má dheifrigh mo chos chum ceilge ;
6 Toimhſeadh ſé mé a meadhaibh
comhthrom, as go naithnigh Día mo
choír.
7 Má dhíll mo choiſceim as a tſlighe,
& gur ghluáis mo chroidhe lem ſhúilibh,
& má lean cáidhe ar bith dom lámhuibh :
8 Ann ſin déanuimſi cur, agus itheadh
neach oile é : tocholtar fós mo ſhliochd
as a bhfréimh.
9 Má mealladh mo chroidhe le
mnaói, nó má chuir mé luidheachán a
ndorus mo chomharſan :
10 Annſin meiliodh mo bhean do
neach oile, agus cromaidis daóine oile
ſíos uirre.
11 Oír is coir ghránna ſo, fós is
éaigceart é ré ſmachdughadh do na
breitheamhnuibh.
12 Oír is teine ſin loiſgios chum
ſcriosta, agus dó thochladh amach mo
bhiſeach uile.
13 Má tharcuiſnigh mé cúis móglaich,
nó mo bhanóglaich, a núair do chrion-
chanadar riom :
14 Cred oile do dhéanuinn a nuáir
déireochadh Día ſúas ? agus a núair
dféuchfadh ſé, cred fhreagoruinn dó ?
15 Nach é an té do rinne miſi annſa
mbroinn, do rinne eiſion ? agus nach
áon do chum ſinn annſa mbroinn ?)
16 Má chonnuimh mé na boicht ó
na toil, nó má thug mé ar ſhúil na
baintreabhuigh faillighe :
17 Nó má dith mé mo ghreim liom
féin am áonar, agus nár ithiodar na
dilleachduigh dhe :
18 (Oír óm óige do bhí ſé gha tha-
bhairt ſuas am ſhochair amhuil agá
athair : agus do thréoruigh mé iſe ó
bhroinn mo mhathar.)
19 Dá bhfaicinn áonduine ag dul a
mugha do dhíth éaduigh, nó bochd as
bith gan ſholach :
20 Mun ar bheannuigheadar a leaſ-
rach mé, agus mun ar téigheadh é lé
lomradh mo cháorach :
21 Má thóg mé mo lámh ſúas a na-
ghaidh an dilleachda, a nuair do chon-
nairc mé mo chungnamh annſa gheata :
22 Annſin tuiteadh mo righ ó chlar
mo ghúalann, agus briſtear mo lámh as
a cnáimh.
23 Oír dob úáthbhás damhſa díogh-
altas ó Dhia, agus do bhrígh a áirde
níor ſhéud mé a ſhulang.
24 Má chuir mé mo dhóigh a nór,
nó má dubhairt mé ris a nór ſhíneulta,
Is tú mo dhóthchus :
25 Má lúathgháir mé do bhrígh gur
mhór mo ſhaidhbhrios, agus do bhrígh
go bhfuáir mo lámh mórán :
26 Má dféuch mé air an ngréin a
nuair do dhéalruigh ſí, nó air an ngea-
laidh ag gluáſachd a ſoillſe ;
27 Agus gur bhroſtuigheadh mo
chroidhe ós íſiol, nó gur phóg mo bhéul
mo lámh :
28 Dob éigceart ſo mar an gcéadna
ré dhioghailt don bhreithiomh : óir do
ſhéanfuinn an Día atá ſhúas.
29 Má gháirdigh mé ar ſon millte
an té ler bhfúath mé, nó má thóg mé
mé féin ſúas a nuáir tháinic olc
chuige :
30 (Ní mó do léig mé dom bhéul
peacughadh, ag órdughadh mallacht da
anum.)
31 Muna ndubhradar muintir mo
thighe ; Uch, gan aguinne dá ſheóil, ní
ſhéadmaoid bheith ſáitheach.

31 Níor

32 Níor luigh an coimhightheach
annſa tſráid, nar fhoſguil miſi mo
dhoirſe do noidhe.
33 Má dfoluigh mé mo ſháruighthe
mar Adhamh, ag ceilt mo pheacuidh
ann mo bhrollach:
34 An raibh eagla orum roimhe iom-
ad mór [daoine], nó nar úamhnuigh
tarcuiſne muintear mé, as a ráibh mé
am thochd, agus nach deachuidh mé
amach as dorus?
35 Uch, nach bhfreagrann áon mé,
féuch, ſi mo thoil go bhfreagradh an
tuilechumhachtach mé, & go ſcríobhadh
aneaſcara leabhar.
36 Go deimhin do ghlacſuinn ar mo
ghúaluinn é, agus do cheingeoluinn díom
é mar choróin.
37 Dfoillſeochuinn dó uibhir mo choiſ-
céime, mar phrionnſa do rachuinn a
ngar dhó.
38 Má chomhaircionn mo dhúithche
am aghaidh, nó fós go nguilfid a hetrighe.
39 Má dith mé a toradh ſin gan air-
giod, nó má thug mé ar a ſealbhuidhibh
a mbeatha do chaill.
40 Fáſadh fóghbhannáin a náit chruith-
neachdá, agus cogal a náit éorna. Do
críochnuigheadh bríathra Jób.

C A I B. XXXII.

Aithſir ghéur Elihu do Job & da thrír carad.

MArſin dó choiſceadar an tríur ſo do
fhreagra Jób, do bhrígh go raibh
ſé ionnruic iona ſhúilibh féin.
2 Ann ſin do hadhnadh fearg Elihu
mhic barachel, an Buſiteach, do chineul
Ram: a naghaidh Iób do hadhnadh a
fhearg, do bhrígh gur fhíréunuigh ſé é
féin tar Dhía.
3 Mar an ccéadna a naghaidh a
thríar carad do hadhnadh a fhearg, do
bhrígh nach bhfuaradar freagra air
bith, agus thairis ſin gur dhamnuigh-
eadar Iób.
4 Anois do bhí Elihu ag feithiomh
nó go labhradh Iób: do bhrígh gur
ſhine íadſan ná é.
5 A nuáir do chonnairc Elihu nach
raibh freagra ar bith a mbéul an trír-
ſi, ann ſin do hadhnadh a fhearg.
6 Agus do fhreagair Elihú mhac Ba-
rachel an Buſiteach, agus a dubhairt,
Atáimſi óg, agus ſibhſe ro ſhean, uime
ſin do bhí mé ro eaglach, agus níor
léig a neagla dhamh mo bharamhuil
dfoillſiughadh dhaóibh.
7 A dubhairt mé go laibheoraídís lá-
ethe, agus go múinfidís iomad bliadhan,
eagna.
8 Acht atá ſpiorad ſan duine, agus
do bheir anal a nuilechumhachtuigh
tuigſe dhóibh.
9 Ní bhíd na daóine móra a gcomh-
nuidhe críonna; ní mo thuigid na ſean-
óirigh breitheamhnus.
10 Uimeſin a dubhairt mé, éiſtigh
riomſa, taiſpéanſuidh mé míntinn féin.
11 Féuchaidh, dfan mé ré bhur mbri-
athruibhſe; thug mé clúas da bhur re-
ſúnaibh, an feadh do ſpíonabhair cred a
déaradh ſibh.
12 Do fheith mé fós oruibh, agus
féuch, ní raibh áon agaibh do dhíol
Iób, ná thug freagra air a bhríathraibh:
13 Deagla go naibeoradh ſibh; fuar-
amairne amach eagna: Dia theilgis
ſios é, ní duine.
14 Anois níor dhírigh ſé a bhríathra
am aghaidhſi; ní mo fhreigéoruſa
é lé bhur mbríathraibhſi.
15 Do bhádar ar criothnughadh,
níor fhreagradar ní ſa mhó; do ſgu-
readar do labhairt.
16 A nuáir do fheith mé (óir níor
labhradarſan, agus do tholadar, agus
níor fhreagradar ní ſa mhó.
17 [A dubhairt miſi] freagoruidh mé
fós mo chuid féin, taiſbeanſa mé mo
bharamhuil mar an gcéadna.
18 Oír atáim lán do bhríathruibh,
coimhéignigh an ſpiorad atá a ſtigh io-
nnam, mé.
19 Féuch, atá mo bholg amhuil fíon
ag nach bí gáothaire, atá ſe réidh chum
briſte amhuil buideala núadha.
20 Laibhéora mé, iondus go bhfuighe
mé fionnfhuaradh: foiſgéola mé mo
bhéul, agus freagora mé.
21 Ná ghabhuim chugam, íarruim
dathchuinge ort, pearſa áonduine, na-
rab mó bhéarus mé gairm ſpleadhach
do dhuine.
22 Oír ní fhidir mé tiodhuil ſpleadha-
cha do thabhairt uáim, [dá ndéanuinn
ſin] is géarr do bhiadh mo chruthaigh-
theóir dom bhreith ás.

C A I B. XXXIII.

Tagra Elihú ré Job arſon a rodhóchais. 14 le a dfhurail ſe air, aithreachus do dhéanamh.

UIme ſin, a Iób, íarruim dathchuinge
ort, éiſt rem chomhráidhteſi, agus
cluin mo bhríathra uile.
2 Féuch, anois dfoſcuil mé mo bhéul,
do labhair mo theanga ann mo char-
bad.
3 Laibheoruid mo bhríathra míntinn
dhíreach, agus mo bhéul éolus go glan.
4 Spiorad Dé do rinne mé, agus anál a
nuilechumhachduigh thug anum ionnam.
5 Mas éidir leachd mo fhreagra, cuir
do bhríathra a nórdugh as mo choinne,
ſeas ſúas.
6 Féuch, atáim do rèir hiarratais a
náit Dé, atáim fós ar mo chumadh a-
mach as an criaidh.
7 Féuch, ní dhéana muathbhas
thuſa eaglach, ní mó bhías mo lámh
trom ort.
8 Go deimhin do labhair tú ann míſ-
teachd, agus do chuala mé guth do bhría-
thar, [gha rádh.]
9 Atáim glan gan choir, atáim nemh-
chiontach, ní mó atá éaiccceart io-
nnam.

10 Féuch,

10 Féuch, do gheibh ſeiſion cúiſio-
nna am aghaidh, do mheas ſé mar a
naimhid mé.
11 Cuiridh ſé mo choſa annſa cheap,
comharthuigh ſé mo chaſáin uile.
12 Féuch, annſo ní bhfuil tù ceart:
freigeóra miſi thú, gur mó Dia ná
duine.
13 Cred as a ſeaſann tuſa na a-
ghaidh? óir ní thugann ſé cunntus a
aonchúis dá chúiſibh.
14 Oír labhruidh Día aonuáir, fós fá
dhó, achd ní thabhair duine dá aire é.
15 A naiſling, a bhfis na hoidhche, a
nuair thuitios codladh trom ar dhaóin-
ibh, a néullſartuigh air an leabuidh.
16 Ann ſin foſcluidh ſé clúaſa na nda
oine, agus ſéaluidh ſé a tteagaſg,
17 Chor go ttairreonguidh ſé duine ó
a thriall, agus go bhfoileochadh ſé
úabhar ar dhuine.
18 Congmhaidh ſé a anum ar ais ón
pholl, agus a bheatha ó thuitim leis an
cclaidheamh.
19 Smachduighthear fos lé péin air a
leabuidh é, agus iomad a chnámh le
[péin] laidir.
20 Iondus go bhfuathuighionn a bhea-
tha arán, & a anum bíadh deaghbhlaſta.
21 Cnaóitear a fheóil de, nach bí ſi
re faicſin: agus a chnámha nach fac-
as, ſeaſuid amach.
22 Tairringidh a anum a bhfogus do
uaigh, agus a bheatha do na mill-
teóiribh.
23 Má bhíonn teachdaire na fhochair,
fear friotuil, áon a measc mhíle, do thaiſ-
beanadh a cheart do dhuine:
24 Annſin tá ſé gráſamhuil dó, agus
a deir ſé, Sáor é ar dhul ſios annſa
pholl, fuáir miſi fúaſgladh as.
25 Biáidh a fheoil ní is úire na
feoil leinibh, fillfidh ſé ar láethibh a
óigeachda.
26 Guidhfidh ſé Día, agus bía fadh-
bhrach dhó, agus dó chífidh ſé a ghnúis
maille re gáirdeachus: óir cúiteochuidh
ſé ris an nduine a ionnracus.
27 Féuchuidh ſé ar na daóinibh, agus
má deir áonduine, Do pheacuidh mé,
agus do chuir mé an ceart ar ccúl, a-
gus ní dhéarna tarbha dhamh;
28 Sáorfuidh ſé a anum ar dhul
annſa pholl, agus do chífidh a anum
an ſolus.
29 Féuch, oibrighidh Día na neithe-
ſi uile go minic ris an nduine,
30 Do thabhairt a anma ar ais ón
pholl, do thabhairt ſoluis dó lé ſoillſe
na mbéo.
31 Tabhair aire go maith, ó a Iób,
éiſt riomſa, bí ad thochd, agus laibhé-
ora miſi.
32 Má atá éainní agad ré a rádh.
freagair miſi: labhair, óir is mían liom
do ghlanadh.
33 Mun a bhfuil, éiſt riomſa, bí ad
thochd, agus múinfidh miſi eagna dhuit.

C A I B. XXXIV.

Gu bhfuil Dia ceart ſan uile neithe do ni ſe.

TUilleamh oile, do fhreagáir Elihu,
agus a dubhairt,
2 Eiſtigh mo bhríathraſa, a dhaóine
críonna, agus tugaidh éiſteachd dhamh
a luchd agá bhfuil an téolus.
3 Oír dearbhuidh an chlúas bríath-
ra, mar bhlaiſios an béul biadh.
4 Toghmaóid dhúinn féin breitheamh-
nus: bíodh a fhios aguinn eadruinn
féin cred an ní is maith.
5 Oír a dubhairt Jób, atáim ionnruic,
rug Día mo bhreitheamhnus leis.
6 A ndéanuinn bréug a naghaidh mo
cheirt? atá mo chneadh dóileighis gan
chionnta.
7 Cía an dúine atá coſmhuil re
Jób, noch ibheas ſúas magadh amhuil
uiſge?
8 Noch imthighios a ccuideachda na
druinge oibrighíos éaigceart, & ſhiubh-
luighios lé drochdhaòinibh.
9 Oír a dubhairt ſé, Ní dhéanann
tarbha ar bith do dhuine, dúil do
bheith aige a Ndía.
10 Ar a nadhbharſin, éiſtigh riomſa,
ſibhſi a dhaoine tuigſionacha; go ma
fada bhías ó Dhía [go ndéanadh ſé] olc,
agus ó nuilechumhachdach, [go ndéa-
nadh ſé] éaigceart.
11 Oír aíſeogthar don duine a obair
féin, agus do bhéara air gach aonduine
go bhfuighe do réir a ſhlighdheach.
12 Fós is dearbh nach déana Día
go holc, ní mó mhillſios an tuilechu-
mhachtach breitheamhnus.
13 Cía chuir cúram air ſan ttalamh?
nó cía ſhuighidh an domhan uile?
14 Má ſhuighionn ſé a chroidhe ar
dhuine, má chruinnighionn ſé chuige
féin a ſpiorad, agus a anál.
15 Díoghbháighfidh ſé a nuile fheóil
le chéile, agus fillfidh an duine a rís
chum luaithrigh.
16 Má atá tuigſe agad a nois, cluin ſo:
éiſt ré guth mo bhríathar ſa.
17 An ndéana an té ſhúathuighios
ceart, úachdaránachd? agus a ndaim-
neochuidh tuſa an té is róicheirte?
18 A níomchubhuidh a rádh re Rígh,
Atá tuſa go holc? agus ré prionn-
ſadhuibh, Atáthaói neimhdhíadha?
19 Ca mhéad ní is lugha ris an té
nach ccuirionn ſuim a bpearſannuibh
na bprionnſadh, agus nach meaſann an
ſaidhbhir ní is mó na an bochd? óir
is íad uile oibreach a lámh.
20 Do gheabhuid bás a mòiment,
agus buáidheorthar na daòine ſan
meadhon oidhche, agus rachaid as,
agus béarthar an neartmhar as gan
lámh.
21 Oír atáid a ſhúile ar ſhligh-
thibh an duine, agus do chí ſé a im-
theachda uile.
22 Ní bhfuil dorchadas nó ſcáile
báis,

báis, mar a bhféudfaidis oibrighthe na
héaccóra iad féin dfolach.
23 Oir ní leacfuidh ſé ar an nduine ní
is mó ná ceart, as a rachadh ſé a mbre-
itheamhnus ré Día.
24 Brisfidh ſé a mblodhuibh daóine
cumhachdacha gan áiriomh, agus cuirfidh
ſé daóine oile iona náit.
25 Ar a nadhbharſin atá fios a no-
ibreach aige, agus iompoighidh ſé bun
oſcionn iad ſan noidhche, iondus go
ſcríoſtar iad.
26 Buailidh ſé iad mar dhrochdhaói-
nibh a radharc ſhoilléir dhaóine oile.
27 Do bhrígh gur ſhilleadar ar a
ccúl úadhaſan, agus nár chuireadar ſuim
a náon dá ſhlighthibh.
28 Iondus go ttugaid ar chomhairc
na mbocht teacht chuige, agus do chluín
ſé éigheamh na ttruaghán.
29 A nuáir do bheir ſé ſuáimhnios
úadh, cía ſhéadas annſin buaidhreadh
do dhéanamh? a nuair ſholchus ſé a
aghaidh, annſin cía ſhéadas amharc air?
más a naghaidh cinidh é, nó a naghaidh
éanduine amháin:
30 Go nach ríaghlochadh fear a nfúar-
chrábhuidh, deagla go ngéabhthaoi na
daoine a bpaintéir.
31 Go deimhin is iomchubhuidh a rádh
ré Día, Dfulaing mé [ſmachdughadh,]
ní chiontochuidh mé níos mó.
32 An ní nach bhfaicim, múinſe
dhamh é; má rinne mé éaiceeart, ní
dhéanad níos mó.
33 An do réir do thoileſi budh cóir
an ní bheith? do bhéara ſé á luaidh-
eachd úadh, má dhiúltann tú é, nó má
bheiríonn tú do roghain é, agus ní miſi:
uime ſin labhair an ní is fios duit.
34 Innifidís daóine tuigſionacha
dhamh, & éiſteadh duine críonna riom.
35 Do labhair Iób gan éolus, & do
bhádar a bhríathra gan chríonnacht.
36 Iſí mo thoil Iób do theaſtughadh
go deireadh, do bhrígh a fhreagartha
ar ſon na ndaóine cciontach.
37 Oír cuiridh ſé míríaghuil a cceann
a pheacuidh, buailidh ſé a bhaſa ar
measg, agus méaduighidh ſé a bhríathra
a naghaidh Dé.

C A I B. XXXV.

Gur toirmioſc ar eiſdeacht ſhaghail o Dhia
a nam gearáin, uireasbhuidh creidimh.

DO labhair Elihu tuilleamh oile, agus
a dubhairt,
2 An ſaóilíonn tuſa ſo do bheith
ceart, mar a deir tú, Is mó mionnra-
cus ná ionnracus Dé?
3 Oír a dubhairt tú, créd an tarbha
do bheith dhuitſi, agus cred an ſochar
do bheith dhamhſa (má glantar mé) óm
pheacadh?
4 Freagoruidh miſi thú, agus do chom-
panuigh maille ríot.
5 Féuch ar na neamhuibh, agus faic,
agus amhairc na néulla is áirde ná thú.
6 Má pheacuighionn tú, cred dó ní
tú na aghaidhſion? nó má méa-
duighthear do ſháruighthe, cred do ní
tú airſion?
7 Má bhíonn tú fíréunta, cred do
bheir tú dhóſan, nó cred ghlacus ſé
as do láimh?
8 Féuduidh hurchoid duine mar thú
féin do ghortughadh, agus féudaidh
hiónnracus ſochar do dhéanamh do
mhac an duine.
9 Do bhrígh iomaid ſáruighthe, do
bheirid ar an ndruing ar a luighthir,
comhairc do dhéanamh: éirghid go hard
do bhrígh láimhe an chumhachduigh.
10 Acht ní abair áoinneach, Cáit a
bhfuil Día mo chruthuightheóir, noch do
bheir dánta úadh ſan noidhche?
11 Noch theaguiſcios ſinn ní is mó
ná beathuigh na talmhan, agus do ní
níos críonna ſinn ná éanlaith nimhe.
12 Ann ſin comhairchid ſíad (acht
ní fhreagrann aóinneach) do bhrígh
uabhair na ndrochdhaóineadh.
13 Go dearbhtha ní éiſtfidh Día
re díomhaóineas, ní mó bhias meas
ag a nuilechumhachdach air.
14 Mátá go nabair tú, Ní fhaicfidh
tú é, thairis ſin atá breitheamhnus
iona fhiadhnuiſe: uimeſin bíodh dóth-
chus agadſa as.
15 Acht anois do bhrígh nach ma-
ſin atá, tháinic ſé air cuáirt iona
fheirg, gidheadh ní haithnid dóſan ſin
a ríachdanus mór.
16 Ar a nadhbharſin foſcluidh Iób
a bhéul go díomhaóin: foirlíonadh ſé
bríathra gan éolus.

C A I B. XXXVI.

Gurab toirmioſc ar iomdha beannachadh
o Dhia, peacadh an Duine.

DO chuadh Elihu fós air a aghaidh,
agus a dubhairt.
2 Fulaing dhamh beagán, agus taiſ-
beanfuidh mé dhuit go bhfuil ní agam
fós ré a rádh a ttaobh Dé.
3 Do bhéara mé méolus as imchían,
agus cuirfidh mé ceart a leith mo chru-
thuightheóra.
4 Oir go fírinneach, ní bhéid mo
bhríathra bréagach, an té atá iomlán
a néolus atá ſé maille riotſa.
5 Féuch, atá Día cumhachtach, a-
gus ní tharcuiſnighionn ſé aoinneach:
atá ſé cumhachtach a neart, agus a
ccríonnacht.
6 Ní cháomhnann ſé beatha an droch-
dhuine; acht do bheir ſé ceart don
bhocht.
7 Ní thairngionn ſé a ſhúile ó
nfíréun: acht bíd ſíad a bhfochair
Ríogh annſa chathaóir ríoghdha; fós
daingnigh ſé íad go bráth, agus ar-
duighthear íad.
8 Agus má bhíd ſíad ceangailte a
ngeimhlibh, agus da ccongmbháil a ſn-
ámhadhuibh na haindeiſe:

9 Annsin taisbeanuidh sé a nobair, a-
gus a siríghthe iona ndeachadar tar
anodh;
10 Oscluidh sé fós a ccluas chum
foghlamtha, agus aithnighidh sé dhíobh
fillead ó éaigceart.
11 Má umhluighid agus foghnamh
dhó, caithid a laethe a sonus, agus a
mbliadhna a sólás.
12 Acht muna numhluighid siad,
millfid leis an ccloidhiomh, ⁊ do ghea-
bhuid bás gan éolus.
13 Acht na fúarchráibhitheigh a ccroi-
dhe, cruachuid siad fearg súas: ní éighid
siad a nuáir cheanglus sé iad.
14 Do gheabhuid bás san náois óig,
agus a mbeatha a measg na ndáoine
neamhghlan.
15 Fúrtuighidh sé an bocht iona
anacair, agus foscluidh sé a cclúasa a
bhfóirneart.
16 Da nós sin dáthrochadh sé thu-
sa as an ccumhgach go hionad fhairsing,
mar nach bhfuil cumhgach ar bith, agus
an ní do cuirfidhe air do bhórd, do
bhiadh sé lán do mhéathus.
17 Acht do choimhlíon tusa breath
an chiontaigh; do rug breitheamhnus
agus ceart greim ort.
18 Do bhrígh go bhfuil fearg [riot],
tabhair haire nach béaradh sé leis thú
re na bhuille: annsin ní shaorfa súas-
ghadh mór thú.
19 An mbia beann aige air do shaidh-
bhreas? ní bhiaidh, nó air ór, no air a
mhéid chumus neirt.
20 Ná sir a noidhche, a nuáir ghearr-
thar dáoine amach iona náit.
21 Tabhair haire, na cuir do dhúil a
naigceart: óir do thogh tú so thair
lmachtughadh.
22 Féach, árduighidh Dia lé na neart:
cía mhainios mar é?
23 Cia chuir a shlighe dfhiachaibh air?
no cia fheadus a rádh, doibrigh tú éaig-
ceart?
24 Cuimhnigh a obair do mhórughadh
noch do chíd na daóine.
25 Féduigh gach áonduine sin
dfhaicsin, féuduidh duine a fhaicsin a
bhfad uadh.
26 Féuch, atá Dia mór, agus ni
fheadamairne cia hé, ⁊ ni mó is éidir
líon a bhliadhan dfaghbháil.
27 Oir do ní sé na braóin uisge, beag;
dóirtid íad a núas fearthuinn do réir
a ccéo:
28 Noch shilid na néulla, agus
dhóirtid ar dhuine go líonmhair.
29 An bféadann fos aóinneach leath-
nughadh na néull do thuicsin, nó fuaim
a thabearnacuil?
30 Feuch, leathnuighidh sé a sholus
air sin, agus folchuidh sé íochdar na
fairge.
31 Oir is léo sin bheirios sé breith-
eamhnus air na daóinibh do bheir bíadh
uadh go líonmhar.
32 Lé na lámhuibh sholcus sé an solus,
cuirigh sé dfiachaibh air gan déalrughadh
(leis an néull) thig eatorra.
33 Taisbeanuidh sé a fhuáim dá
thíobh sin, a máirnéis fós a ttaobh an
neithe theid súas.

CAIB. XXXVII.

Gu bhfuil cumhachta, 15 ⁊ glioeus De, dosgrudaighe.

UIme so mar an gcéadna creath-
nigh mo chroidhe, agus do cor-
ruigheadh as a áit é.
2 Eist go friochnamhach fuáim a gho-
tha, ⁊ an tormán theid amach as a bhéul.
3 Orduighidh sé é faói neamh go hi-
omlán, agus a theinteach go téorann-
uibh na talmhan.
4 Béicigh guth na dhiáigh sin; tóir-
nighidh sé le guth a oirdhearcuis, agus
ní choinneochuidh sé iad a nuáir chluin-
fighthear a ghuth.
5 Tóirnighidh Dia go hiongantach le
na ghuth, do ní sé neithe móra nach
bhféudmoid do thuigsin.
6 Oir a deir sé ris a tsneachda, Bíse
air an ttalamh: mar an gcéadna ris an
mínfhearthainn, agus re móirfhear-
thuin a neirtsion.
7 Séuluighidh sé súas lámh gach áon-
duine, chor go naitheonadh a nuile
dhuine a oibreachasan.
8 Annsin théid na beathaigh iona
núamhuibh, ⁊ fanuid iona náitibh.
9 As an ttáobh ó dheas thig an
sidean gáoithe, agus fúachd ón ttáobh ó
thuaigh.
10 Le hanáil Dé beirthior an
sioc: agus cumhguighthear leithne na
nuisgeadh.
11 Coiridh sé fós an néull tiugh le
fliuchadh: sreathuidh sé a néull soillseach.
12 Agus iompoighthear timchioll sa
ccuáirt é le na chomhairlibh: chor go
ndéanaidís gidh bé ní do aitheonadh sé
dhiobh ar ghnúis an tsaoghail annsa
talamh.
13 Do bheir sé air teacht, más air son
smachtughadh, nó ar son a fhearainn,
nó ar son trócaire.
14 Haire dhoso, a Iób: san go socair,
agus meas oibreacha iongantacha Dé.
15 An bhfeudair tusa an tam ar ór-
duigh Dia iad, agus thug air sholus a
neoill lonnrughadh.
16 An aithnid duit meadhughadh na
néull, oibreacha iongantacha an té atá
iomlán a néolus?
17 Ciondus bhíd héaduighe te a nuair
fhionnfhúaruighios sé an talamh leis an
ngaóith a ndeas?
18 Nar chuidigh tusa leis, a nfirma-
ment do leathnughadh amach, noch atá
láidir, agus amhuil sgathán leaghtha?
19 Múin dúinn cred a déaram ris;
óir ní fhéadmaóid ar nglór dórdughadh
do bhrígh an doirchadais.
20 A ninnneostar dhósan go bhfúilimsi

ag labhairt? má labhrann duine, go deimhin sluigfighthear síos é.

21 Agus anois ní fhaicidh duine an solus lonnrach atá annsna néulluibh. acht gluáisidh an ghaóth, agus glanuidh sí iad.

22 Thig aimsir bhreádhgha ó náird thuáigh: aig Dia atá mórdhacht úathbháfach.

23 A ttáobh a nuilechumhachduigh, ní héidir dháinn a fhagháil amach, atá sé oirdheirc a ccumhachd, agus a mbreitheamhnus, agus a bhfairsinge cheirt: ní góirteochuidh sé.

24 Bid daóine eaglach roimhe ar a nadhbharsin: ní bhí meas aige ar aóinneach bhías críonna a ccroidhe.

CAIB. XXXVIII.

Ata Dia ag deanamh eadarsgan idir Job is a cháirde.

AN sin do fhreagair an Tighearna Jób, as an tsidéan gaoithe, agus a dubhairt,

2 Cia hé so dhorchuighios comhairle le briathruibh gan eólus?

3 Criosluidh a nois síos do leasrach mar fhear: óir fiafrochuidh misi dhíot agus freagairsi mé.

4 Cait a raibh tusa a nuair do fhuighidh misi bunáit an domhuin? foillsigh, má tá tuigse agad.

5 Cia fhin a thomhas fin, má tá a fhios agad? nó cía fhin an dorubha air?

6 Cia air a bhfuilid a bhunáite fin ceangailte? nó cía fhuighidh a chloch chornéil fin?

7 A nuáir do chanadar na reulta maidne re cheile, agus do gháireadar mic Dé uile le lúathghair.

8 Nó cía do iaidh a nfairge a a stigh lé doirsibh, a nuair do bhris sí amach, amhuil do fhilseadh sí amach as an mbroinn?

9 A nuáir do rinne misi néull na chulaidh dhi, agus dorchadas tiugh na chrisceangal di,

10 Agus ar bhris mé síos di mó [áit] chinnte, agus ar fhuigh mé barradha, agus dóirse.

11 Agus a ndubhairt mé, Go nuige so thiucfas tú; agus ní thairis: agus ann so fhoisteochthar do thonna uáibhreacha.

12 An ttug tú air an maidin bheith ann ar feadh do láetheadh? agus an ttug tú ar éirghe an láe a áit daithniughadh,

13 Chor go mbéaradh sé greim ar théorannuibh an domhuin, chor go ccroithfidhe na drochdhaoine as amach?

14 Do hiompoigheadh é mar chriáidh chum an tséula, agus seasuid síad amhuil éadach,

15 Agus congmhuighthear a solus ó na drochdhaóinibh, agus brisfighthear an righ árd.

16 A ndeachuidh tusa a steach a sumairighibh na fairge? nó nar shiubhuil tú a spíonadh a naigéin?

17 An rabhadar geatadha an bháis osgailte romhad? nó an bhfaca tú doirse scáile an bháis:

18 Ar mheas tú leithead na talmhan? foillsigh má atá a fhios uile agad.

19 Cáit a bhfuil an tslighe mar a ccomhnuighionn an solus? & ar son a dorchadais, cáit a bhfuil a ionad?

20 Chor go mbeirtheá go nuige a théoruinn é, & go mbeith fios a chasa agad go nuige a thighsion.

21 An bhfuil a fhios sin agad, do bhrígh go rugadh a nuairsin thú? nó do bhrigh gur mór uibhir do láetheadh?

22 A ndeachuidh tú a steach a ttiomamhusuibh an tsneachda? nó an bhfaca tú tigh ionnmhuis an chloichshneachda?

23 Noch do thaisgidh misi a ccoinne aimsire na buáidheartha, a ccoinne lé an chatha agus an chogaidh?

24 Cía hé an tslighe lé ndealaighthear an solus, noch scáoileas an ghaoth a noir ar feadh an domhuin?

25 Cía roinn ionad reatha a nuige chum tuile na nuisgeadh: nó slighe do thentigh na tóirnighe,

26 Do thabhairt sa deara dhi fearthuinn air an ttalamh, áit nach bhfuil duine ar bith; ar an bhfásach ann nach bhfuil aonduine?

27 Do shásadh na bhfearann uaignech agus a thabhairt sa deara ar bheangaibh na luibhe laige, scinneadh amach?

28 An bhfuil athair ag an bhfearthuinn, nó cía ghein bráona an drúchda?

29 Cía an bhrú as a ttáinic an cuisne? agus cía ghéin sioc liath nimhe?

30 Atáid na huisgeadha folaighthe mar budh lé cloich, agus atá gnúis a naigéin cuisnighthe.

31 An bhféadann tusa oireamhna millse Phleiades do cheangal? nó ceangail Orion do scaoileadh?

32 An bhféadann tú *Mazzarot* do thabhairt amach iona am féin? nó an ttig dhíot Arctúrus go na mhacaibh do threorughadh?

33 An bhfuil fios órduighthe fhlaitheamhnus agad? ad bhfeadann tú a thighearnas do chur ar talamh?

34 An bhféadann tú do ghuth do thógbhail súas chum na néull; ionnus go bhfoileochaidis iomad uisgeadh thú?

35 An bhféadann tú tinnteach do chur uait go nimthigid, agus gu nabraid rit, Atámaóid annso?

36 Cía chuir críonnachd annsna codchuibh a stigh? nó cía thug tuigsi dos chroidhe?

37 Cía fhéadus na néulla dáiriomh a ccríonnacht? nó cía fhéadus buidéil nimhe do chur na ccomhnuigh,

38 A nuáir fhasas an luaithreadh do bheith cruáidh, agus ceangluid na fóide go daingion dá chéile?

39 A ndéana tusa fiadhach creiche don leomhan? nó an líonsa tú fonn na leomhan óg?

40 Anuair

40 A nuáir luighid ſiad iona núamhuibh,
[illegible] annſa ſcáth chum bheith a luí-
[illegible].
41 Cia ghléuſus a bheatha do nſíach ?
[illegible] ſgréachuid a eóin óga ar Dhía,
[illegible] ſiad ar ſeachrán do chion bídh.

CAIB. XXXIX.

*[illegible] Dhé, thaobh feabhas na ccréatuí-
[illegible] do dhearnadh leis.*

AN aithnid duit a nuáir bheirid ga-
bhair fhiadhta na cairge ? nó an
[illegible] tú a chomharthughadh ca
[illegible] bheirid na heilite laóigh ?
2 An bhféadann tú na míoſa chomh-
[illegible], noch iomlánuid ſiad ? no an
[illegible] dhuit a naimſir a mbeirid ſiad ?
3 Cromaid ſiad íad féin, beirid a
[illegible] óga, teilgid díobh a ndóbrón.
4 Bíd a laóigh óga a ccruth maith,
[illegible] ſiad ſúas le harbhar : tiaghuid
[illegible], agus ní aithfhillid chucaſan.
5 Cia chuir amach an taſſal fiadhuin
[illegible] ? nó cia ſgáoil ceangal a naſſail
fhiadhta ?
6 Dá ndéarna mé a thigh do nfáſach,
agus an fearann dioſg a áitreabh.
7 Ni bhí ſuim aige a niomad daoi-
[illegible] na caithreach, ni mó bhíos ſuim
aige a bhfogra an cheannaire.
8 Ráon na ſliabh is innbhear dhó,
agus ſioruidh ſé a ndiáigh gach aóin-
[illegible] glas.
9 An mbía an tunícorn umhal ar
[illegible] do dhéanamh dhuitſe ? nó an
[illegible] ſí ag do mhainnſéar ?
10 An bhféadann tú an tunícorn do
cheangal le na cuing annſa neitrighe ?
nó an bhfoirnfidh ſé na gleanta ad
dhiaigh ?
11 An ttáobhtha tú é do bhrìgh gur
mór a neart ? nó an bhfáigfidh tú
do ſáothar táobh ris ?
12 An ccreidfidh tú é go ttiubhra ſé
do ſíol don bhaile ? agus go ccruinneo-
chaidh ſé a ſleach dot ſciobol é ?
13 (An tuſa) thug na ſciatháin bhréa-
[illegible] do na peacógaibh, nó ſciatháin agus
deiteach do níaſcaire cháirneach ?
14 Noch fhágbhus a huighe annſa ta-
lamh, & théighios íad a luaithreadh.
15 Agus dearmaduidh go bhféadann
an chos a mbrughadh, nó an beathach ál-
ta a mbriſeadh.
16 Cruadhuighthear í a naghaidh a
héan óg, mar budh eadh nach ar lé íad :
a díomhaóin a ſáothar gan eagla.
17 Do bhrígh gur bhean Día a gliocus
di, ní mó do roinn ſé tuigſe ría.
18 A nuáir thógbhus ſí í féin ſúas go
hárd, díſbeaguigh ſí an teach agus an
marcach.
19 An tuſa thug neart don neach ?
nar éaduigh tú a mhuineal lé tóirnigh ?
20 An bhféadann tú a dhéanamh eag-
lach amhuil dreóllán teasbhuidh ? is úath-
bhásach glóir a phholláireadh.
21 Tochluidh ſé re na choſa annſa
ghleann, agus gáirdighidh ſé ann a
neart ; théid ar a aghaidh do theag-
mháil ris na fearuibh armtha.
22 Bí ſé ag magadh ſan eagla, agus
ní bhí ſiamhan air : ní mó fhilleas ſé
ar a ais ón ccloidhiomh.
23 Siurdánuigh an bolgán ſoighead
na aghaidh, an gath loinnreach, agus an
ſciath.
24 Briſidh ſé an talamh le cuthach,
agus lé buile : agus ni bhíonn ſé ſocair ré
fuáim an ſtuic.
25 A deir ſé a meaſc na ſtoc, Ha, ha ;
agus boltnuighidh ſé an cath a bhfad
úadh, tóirneach na ccaiptíneadh, agus
a nfuáimneach.
26 An led ghliocus eitiollas an ſea-
bhac, agus ſhíneas ſí a ſciatháin don
táobh ó dheas ?
27 An air do chomhairle éirghios an
tiolar ſúas ? agus do ní a nead a
náirde.
28 Áitreabhuidh ſí, agus fanaidh air
an ccarruic, ar chreagach ná haille, agus
na háite daingne.
29 As ſin iarruidh ſí a beatha, agus
do chíd a ſuile a bhfad uaithe.
30 Súghuid a héain óga ſúas ſuil :
agus mar a mbíd na mairbh, is annſin
bhías ſiſe.

CAIB. XL.

*Uábhas Iób ag méud oirdhearcuis Dé. 15 Neart
an Bhehemot a meaſg na nainmbinteadh.*

TUilleamh oile, do fhreagair an
Tighearna Iób, agus a dubhairt,
2 An tteagoſcuidh an té do ní imreas
ris a nuilechumhachdach ? an té iomaith-
bhearas Día, fhreagradh ſé féin ar a ſhon.
3 Ann ſin do fhreagair Iob an Tigh-
earna, agus a dubhairt,
4 Féuch, atáim truáilligh, cred fhrea-
gorus mé dhuit ? leacſa mé mo lámh
air mo bhéul.
5 Do labhair mé áonuair amháin, achd
ní fhreagora mé ; fós fa dhó ; acht ní
reachfad ar maghaidh.
6 Annſin do fhreagair an Tighearna
Iób amach as an tſídean gaóithe, agus a
dubhairt,
7 Crioſluigh ſúas anois do leaſrach
mar dhuine, fíafrochuidh miſi dhíot,
agus innis dhamh.
8 An ccuirſe tuſa fós mo bhreithea-
eamhnus ar ccúl ? an ndaimneocha tú
mé, dot bheith féin ionnruic ?
9 An bhfuil lámh agad mar ata ag
Día ? nó an bhféadann tú tóirneach do
dhéanamh lé guth mar eiſion ?
10 Cóirigh thú féin anois lé mórdhachd
agus lé hoirdhearcus, agus éuduigh thú
féin lé glóir agus lé ſcéimh.
11 Teilg amach buile thſeirge, agus
féuch gach áonduine dá bhfuil uaibh-
reach, agus uiríſligh é ;
12 Féuch, air gach nduine dá bhfuil
úaibhreach, agus uiríſligh é, agus ſaltair
ſíos ná drochdhaóine iona náit.

13 Foluidh annsa luáithreadh iad lé
chéile, & ceangail a naighthe a bhfolach.
14 Annsin aidmheochuidh misi mar
an ccéadna dhuit, go bhféaduigh do lámh
dheas féin do thártháil.
15 Féuch anois Behemot do rinne
me maille leachdsa, ithidh sé féur mar
dhamh.
16 Amhairc anois, atá a neart iona
leasrach, agus atá a bhrígh a nimlinn a
bhuilg.
17 Corruighidh sé a fholt amhuil
céadar: atáid féitheach a chloch cean-
gailte dhá chéile.
18 Ataid a chnámha mar phíosuibh
láidre práis, is cosmhuil a chnámha lé
barradhuibh iaruinn.
19 Isé príomhobair shlightheach Dé és
an té do rinne é, féaduidh sé a chloi-
dheamh do chur go nuige é.
20 Go deimhin do bheirid na sleibhte
beatha dhó, mar a ndéunuid uile bhea-
thuigh an machaire súgradh.
21 Luighidh sé fa na crannuibh dor-
cha a bhfolach na ngiolcach, agus na
ccurrach.
22 Folchuid na croinn dhorcha é le na
scáilibh, timchiolluigh suileoga na ha-
bhann é fa ccuáirt.
23 Féuch, ibhidh sé súas abhann, a-
gus ní dhéan sé deithnios: dóigh leis
go ttarrongaidh sé Jordan súas iona
bhéul.
24 [An] ngéabha [aon duine] é
iona radharc? nó an ttollsuidh sé a
shrón le dubhánuibh.

CAIB. XLI.

Is scéithan ar mhórdhalacht Dhé, an Lebhi-atan, a measc éisc.

AN bhféadann tú Lebhiatan do thar-
ruing amach le dubhán? nó a thean-
ga lé córda noch léigios tú síos?
2 An bhféadann tú dubhán do chur
iona shróin? nó a ghiall do tholladh
thríd lé dealg?
3 A ndéana sé móran gearáin riotsa?
an laibheora sé bríathra míne riot?
4 A ndéana sé cunnradh riot? an
nglacfa tú mar sherbhíseach go bráth é?
5 A ndéana tu súgradh ris amhuil éun?
an cceangola tú é dot chailínibh?
6 A ndéanuid na compánuigh fleadh
dhe? an roinnfid siad é measc na
cceannaighthe?
7 An bhféadann tú a chroicionn do
líonadh diarnuibh corránacha? nó a
cheann le treaghuibh éisc?
8 Leag do lámh air, cuimhnigh an
cath, ní déana ní sa mhó.
9 Féuch, is díomhaóin a dhóthchus-
san: nach ttcilgfighear duine síos le na
radharc amháin?
10 Ní bhfuil éon chomhborb sin dá léi-
gion a neagla a chorrughadh súas:
maiseadh marsin cía féadas seasamh ar
maghuidhse?
11 Cia chuidigh liom as a ttiubhruinn
leasughadh dhó? gidh bé ar bith
faói neamh, is liomsa é.
12 Ní cheilfidh mé á chodch[...]
a neart nó a dhealbh sciamhach.
13 Cia fhéudas aghuidh a é[...]
dfoillsiughadh: nó cia fhéadas [...]
chuige le na shrían dúbalta:
14 Cia fhéudas doirse a ai[...]
doscladh: atáid a fhiacla uathbh[...]
timchioll sa ccuáirt.
15 As íad a lanna a rimhéidhe, [...]
súas re chéile le séula daingion.
16 Atá gach áon díobh an comh[...]
sin da chéile, nach bhféudann aie[...]
bith teachd eatorra.
17 Atáid ar na ccur a cceann a
chéile, ceangluid dá chéile nach éidir a
neidirdhealughadh.
18 Le na shétrigh soillsighidh solus,
agus atáid a shúile cosmhuil lé forra-
bhuibh súl na maidne.
19 Amach as a bhéul théid tóirrsi[...]
lasamhla, agus lingid drithle[...]
teineadh amach.
20 Amach as a pholláiribh théid de-
tach, mar do rachadh as pota fuchaig[...]
nó as oigheann.
21 Dearguidh a anal sméarthé[...], a-
gus téid lasair amach as a bhéul.
22 Comhnuighidh neart iona mhú-
néul, agus filltear dóbrón na ghár[...]
chus dá láthair,
23 Ataid sleantach a fheóla cein[...]
cheangailte dhá chéile: atáid daingi[...]
ionta féin, ní héidir a ccorrughadh.
24 Atá a chroidhe combchruaidh [...]
cloich, fós combchruaidh re cuid do
chloichiochtair muilinn.
25 A nuáir thógbhus sé é féin sin[...],
bíd na neartmhair eaglach; air eagla
brisigh glanuid iad féin.
26 Cloidheamh an té bhuáilos air sa
ní fheadann seasamh; an gath, an bhon-
sach, nó an tuchdéideadh.
27 Measuidh sé an tiarann mar thuighe
agus an prás mar chonnadh chríon.
28 Ní fhéadann an tsoighead a chur
dfiachaibh air teitheamh; iompoigh-
thear leis clocha an chroinn-tabhail a
cconnlach.
29 Measuidh na gáethe mar chonnlach:
do ní gáire fá chrothadh an ghatha.
30 Ataid clocha ghéara faói: leathn[...]-
ghidh sé neithe géura ar an lathaigh.
31 Do bheir sé air a nuigéan fi-
chadh do nós an phota: do ní sé a nuái-
ge do nós pota an photecari.
32 Do ní sé an tslighe sóthaicsigh na
dhiáigh; do shaóilfeadh neach an ti-
gean do bheith liath.
33 Ní bhfuil a leithéid air an ttalamh,
noch do rinneadh gan eagla,
34 Do chí sé a nuile ní árd: atá sé na
Rígh ós cionn uile chloinne a nuabhair.

CAIB. XLII.

Admhail uirisle Job 10 & a dheire na ghlórmhar.

An

ANsin do fhreagair Jób an Tighear-
na, agus a dubhairt,
2 Atá a fhios agam go bhféadann tu-
[illegible] [illegible] do dhéanamh, agus nach
[illegible] [illegible] do chongmhail uáit.
3 Cia hé an te do cheilfiodh comhairle
[illegible]? uime fin do labhair misi an
[illegible] thug mé, neithe ro iongantacha
[illegible] nach raibh a bhfios agam.
4 [illegible] [illegible] ort, éist, agus
[illegible] mé: fiafrochaidh misi dhíot,
[illegible] foillsighsi dhamh.
5 Do chuala mé teachd ort le héif-
[illegible] na cluaise, acht anois do chíd mo
[illegible] thú.
6 Uimesin gráinim riom féin, agus
[illegible] aithreachas a ccriaidh agus a
[illegible].
7 Agus is amhluidh do bhí tar éis an
[illegible] do labhairt na mbriatharso re
[illegible] [illegible] an Tighearna re He-
[illegible] Temaniteach, Atá mfearg ar
[illegible] as aghaidh, agus a naghaidh do
[illegible] [illegible]: óir níor labhrabhair
[illegible] an ní fa cóir, mar do labhair
[illegible] fhoghantuigh Jób.
8 [illegible] glacuidh chugaibh anois
[illegible] [illegible] agus feachd reithe, & éir-
[illegible] [illegible] mo fhearbhfhoghantuigh
[illegible] ofraluidh íéas ar bhur fon féin
[illegible] loige, agus guidhfidh mo
[illegible] fhoghantuigh Jób ar bhur fon, óir
[illegible] misi leis: deagla go ndéanainn
[illegible] bhur leimhe, do chionn nar
[illegible] orum an ní is ceart, mar mo
[illegible] fhoghantuigh Jób.
9 [illegible] dimthigh Eliphas an Tema-
[illegible], agus Bildad an Suhiteach, agus
[illegible] an Naamatiteach, agus do rin-
neadar mar daithin an Tighearna dhíobh:
do ghlac an Tighearna fós Jób.
10 Agus diompoigh an Tighearna da-
áirfe Jób a nuáir do ghuidh sé ar
fon a charad: agus thug an Tighearna
fós do Jób dhá oirid agus do bhí aige
roimhe.
11 Ann fin thangadar a dhearbhráthre
uile chuige, agus a dhearbhfheathracha
uile, agus a nuile dhuine da raibh iona
thathuigh roimhefin, agus ditheadar a-
rán leis iona thigh: agus do bhí truáighe
aca dhó, agus do chobhruigheadar é ós
ccionn a nuile uilc dá thug an Tigh-
earna air: thug gach aonduine fós piosa
airgid dhó, agus gach áonduine cluásfhá-
inne óir.
12 Marfin do bheannuigh an Tighear-
na críoch dheiridh Jób ní is mó ná a
thosach: óir do bhí ceithre mhile dhéug
caora aige, agus sé mhile cámhall,
agus mile cuing dhamh, agus mile assal
baineann.
13 Do bhí fós aige feachd mic, agus
triúr inghean.
14 Agus thug Jemima dainm ar an
ccéidinghin, agus Cesia dainm air an
dara, agus ainm na treas inghine Ceren-
happuch.
15 Agus níor frith ar feadh na criche
mná coimhféiambach ré hingheanuibh
Jób: agus thug a nathair oighreachd déibh
a measc a ndearbhráthreach.
16 Ná dhiáighso do mhair Jób céad a-
gus ceathrachad bliaghan, agus do chon-
naire a mhic, agus mic a mhac, eadhon
ceithre glúine.
17 Mar fin déug Jób, ar mbeith dhó
sean agus lán do laethibh.

LEABHAR NA PSALM.

PSALM. I.

[illegible] dhuine. 4 Agus anrath an [illegible].

[illegible] an fear nach fiubhlui-
[illegible] a ccomhairle na neimhdhí-
[illegible] nach feafann a flighe na bpea-
[illegible] nach fuighionn a fuigheachán
[illegible].
2 Acht atá a dhúil a ndligheadh an
Tighearna, agus iona dhligheadh fmuai-
[illegible] sé do ló agus doidhche.
3 Agus biáidh fe ccosmhuil re crann
[illegible] láimh re haibhnibh uisge,
[illegible] do bheir a thoradh iona aimsir
[illegible]; ní chríonfuidh fós a
[illegible], agus gidh bé ní do dhéana sé, ti-
[illegible] [illegible] air.
4 Ní marfin do na míochráibhthigh:
acht atáid cosmhuil ris an lóchán noch
[illegible] an gaoth.
5 Ar a nadhbharfin ní fheasfuid na
míochráibhthigh annfa mbreitheamhnus, ná
[illegible] a ccoimhthionól na bhfiréun.
6 Óir is fios flighe na bhfiréun ag an
Tighearna: acht rachaidh flighe na
neimhdhíadhach feachad.

PSALM. II.

Gu ttiubhair Criosd buaidh amach ar a naimhdibh.

CRed fa ndéanuid na geinte baóis,
agus fa fmuainid na daóine díom-
mhaóineas.
2 Cuirid Righthe na talmhan iad
féin a cceann a chéile, agus glacaid
na ríaghlóirigh comhairle re chéile ana-
ghaidh an Tighearna, agus a naghaidh a
ungthaigh, (ag rádh)
3 Briseam ó chéile a ccuibhreacha, a-
gus teilgiom uáinn a ccceangail.
4 An té fluighios anfna flaitheasuibh
do dhéana sé gáire: do dheana an Ti-
ghearna fochmhuid orra.
5 Annfin laibheoruidh sé ríu iona
fheirg, agus cráidhfidh sé iad iona
dhibhfheirg.
6 Gidheadh do chuir misi mo Righ air
mo chnoc náomhtha Sion.
7 Foillseocha mé an reachd: a dubhairt
an

an Tighearna riomsa, is tú mo mhac, a
niugh do ghin mé thú.
8 Jarr orum, agus do bhéara mé
dhuit na geinte mar oighreacht, agus
na codcha is imchéine don talamh mar
fheilbh.
9 Brisfe tú iad lé slait iaruinn,
mionbhruighfir iad iona ccodhuibh mar
shoightheach criadh.
10 Bithi glic anois uimesin ó a Righ-
the: glacuidh teagasg, a bhreitheamhuin
na talmhan.
11 Fóghanuigh don Tighearna maille
le heagla, agus lúathgháirighidh maille le
creathaibh.
12 Póguidh an mac, deagla go mbíadh
sé feargach, agus go rachadh sibh a
mugha san tslighe, an tan lasfus a fhearg
dhá laghad: is beannuigh an dream uile,
noch chuirios a ndóigh ann.

PSALM. III.

Sé cothughadh Dé is díon do nfhirein.

Psalm Dháibhi, ag teitheamh ó na
mhac Absolon.

A Thighearna, cred mar do mhéaduigh
tú luchd mo bhuáidheartha? is
iomadamhuil an drong noch éirghios súas
am aghaidh.
2 Is iomadamhuil an drong a deir
rém anam, Ní bhfuil cabhair air bith
dhó a Ndia.
3 Acht tusa, a Thighearna, atá tú
ad sgéith dhamhsa: mo ghlóir, agus fear
tógtha súas mo chinn.
4 Déighios chum an Tighearna lém
ghuth, agus do chúaluidh sé mé amach as
a chnoc náomhtha.
5 Do luigh mé síos, agus do chodlas:
do dhúisighios, óir do chothuigh an
Tighearna mé.
6 Ní bhíaidh eagla orum roimhe
dheich míle don phobal, noch do chuir
iad féin timchioll am aghaidh.
7 Eirigh, ó a Thighearna, anaic mé, ó
mo Dhia: óir do bhuáil tú mo naimhde
uile air chnáimh an ghéill: do bhrisis
fiacla na druinge neimhdhiadha.
8 Is ón Tighearna thig slánughadh:
atá do bheannachd air do phobal.

PSALM. IV.

Is é ard-mhaithe a nduine, gean maith Dé.

Don phrímhfhear ceóil air Neginot,
Psalm Dháibhi.

Eisd riom a nuáir ghoirsead, ó a Dhé
mfiréantachda: dfuáscuil tú mé
an tan do bhí mé a ccumhgach, déan
trócaire orum, agus éist murnaigh.
2 O Sibhsi, a mhaca na ndaoine, cá
fad bheithí ag iompóigh mo ghlóire chum
náire? cá fad bhias gradh agaibh ar
dhíomhaoineas, nó dhéantaoi lorgaireachd
a ndiáigh bhreag?
3 Acht biodh a fhios agaibh gur
chuir an Tighearna do leathtaoibh an
duine diadha dhó féin: cluinfidh an Ti-
ghearna an tan ghoirsead air.
4 Bíodh úamhan oruibh, agus ná
déanuidh peacadh: déanuidh comhrádh
ré bhur ccroidhe féin air bhur leabt…
agus éistigh.
5 Ofráluidh íodhbhartha na fír…
tachda, agus cuiridh bhur ndóigh a…
Tighearna.
6 Atáid mórán ag rádh, Cí…
thaisbeanfas maith ar bith dhúinn? …
Thighearna, tóg súas solus do ghnú…
oruinn.
7 Do chuiris lúathghháir ann mo chroidhe
ní is mo ná a nuáir do mhéaduigh a…
bharsan agus a bhfíon.
8 Luighfe mé mar an ccéadna a
sìothcháin, agus coidéola mé: óir tusa a
Thighearna amháin chuireas am chomh-
naidh mó a neambáoghal.

PSALM. V.

Guidhe anaghaidh naimhde na círe.

Don phrímhfhear ceóil air Nehiloth,
Psalm Dháibhi.

Tabhair clúas dom bhríathruibh, ó a
Thighearna, meas mo smúaineadh.
2 Eist ré guth mo éighmhe, ó mo Righ
& mo Dhía: óir is chugadsa ghuidhfeam…
3 Cluinfir mo ghuth air maidin, ó a
Thighearna, air maidin díreochaidh mé
múrnaigh chugad, & féuchfad súas.
4 Oir ní Dia thú agá bhfuil dúil a
nurchoid; ní mó choimhneochus olc ma-
ille riot.
5 Ní sheasfaid na hamadáin am do
radharc: fúathuighionn tú a nuile luchd
déanta na héagcóra.
6 Sgriosfa tú an luchd do labhrus
bréuga: biaidh fúath ag an Tighearna
air a nduine fhuilteach agus mhe-
bhlach.
7 Acht air mo shonsa, tiocfa mé a
steach ann do thigh, a niomadamhlachd
do thrócaire: & ann heagla do dhéan
adhradh go nuige do theampull náomhtha.
8 Tréoruidh mé, ó a Thighearna, ann
thfiréantachd, do bhrígh mo naimhde;
déan do shlighe díreach am fhiadhnuisi.
9 Oir ní bhfuil disleachd iona mbéul; is
síorurchóid an taobh a stigh dhíobh; is
uáimh osguilte a sgornach, do níd bladar
le na tteangaidh.
10 Sgrios iad, a Dhé, leagthar iad le
na ccomhairlibh féin: teilg amach iad a
niomadamhlachd a mìghníomh, óir do
rinneadar ealaonta ad aghaidh.
11 Acht gáirdigheadh a nuile dhuine
do chuir a dhóigh ionnadsa: gáiridís lé
lúathgháir go bráth, do bhrígh go
ccumhduigh tusa iad: bidis mar an
ccéadna an dream lenab ionmhuin
thainm, lúathgháireach ionnad.
12 Oir thusa a Thighearna, beanno-
cha tú an firéun: le sabhar timchiollfar
é ambuil budh le sgéith.

PSALM. VI.

An chéud Psalm Aithrighe.

Don phrímhfhear ceóil air Neginot air
Sheminit, Psalm Dháibhi.

O A Thighearna, ná himdheargh mé
ann thfeirg, agus ná smachduigh
mé ann do mhíothaitneamh.

2 Déan

2 Déan trócaire orum, ó a Thigh-
earna, óir atáim lag: a Thighearna
leighis mé, óir atáid mo chnámha buái-
dhearta.
3 Atá manam mar an ccéadna buái-
dhearta go mór: acht cá fhad, a Thigh-
earna, cá fad?
4 Iompóigh, a Thighearna, fúasguil
manam: ó saor mé ar son do thrócaire.
5 Oir san mbás ní bhfuil éanchuimhne
ort: ann sa naigh cía bhéuras buidhea-
chas duit?
6 Atáim tuirseach lem chneaduigh:
air feadh na hoidhche cuirim mo leaba
ar snámh: fliuchuim miomdhuigh lem
dhéraibh.
7 Do milleadh mó shúil le dubhachus:
atá sí seanda do bhrígh mo uile naimhde.
8 Imthighidh uaim sibhsi, a uile
luchd déanta na héagcóra: óir do chú-
alaidh an Tighearna guth mo éighmhe.
9 Do chúalaidh an Tighearna mo ghea-
rán; glacfaidh an Tighearna rem urnaigh.
10 Biáidh mo naimhde uile náireach, a-
gus ro bhúaidheartha; fillidís, agus bí-
dís náireach go hobann.

PSALM. VII.

Do ibhich Daibhi Rí ó namhdaibh a anma, go Dia.

Siggaion Dháibhi, noch do sheinn sé don
Tighearna, a ttaobh bhríathar Chus
an Benjamiteach.

O A Thighearna Día, ionnadsa chui-
rim mo dhóigh: tárthuigh mé ó
uile noch ghérleanas mé, & sáor mé.
2 Deagla go réubfadh se manam amhuil
leomhan, dhá strócadh a ccodchuibh, a
nuair nach bhfuil éinneach ann do
shaoradh.
3 O a Thighearna mo Dhía, má rinne
mé so; má atá éacceart ann mo lámhuibh.
4 Má chuitigh mé olc ris an té do bhí
a síothchain riom: (fós do sinic mé an
té noch atá na námhuidh dhamh gan
chúis.)
5 Déanadh mo námhaid gérlean-
mhuin air manam, agus gabhadh sé é;
fós saltradh sé síos mo bheatha air an
talamh, agus léigeadh sé monóir san
luaithreadh.
6 Eirigh, a Thighearna, an thfeirg, tóg
suas thú féin tre anbhuirbe mo naimh-
desi: agus múscuil ar mo shonsa chum
an bhreitheamhnuis noch do fhúagruis.
7 Mar sin cruinneochuid coimhthio-
nól na ndaoine ad thimchioll: air a son-
san uimesin fillsi air árd.
8 Béaruidh an Tighearna breitheamh-
nus air an bpobal: breathnuigh misi, ó a
Thighearna, do réir mfiréantachda, & do
réir mo dhioghruisi noch atá ionnam.
9 O críochnuigheadh olc na ccion-
tach; acht daingnigh an duine ceart:
óir dearbhuidh an Día firéanta na
croidhthe, agus na dubháin.
10 Is ón Tighearna atá mo chosnamh,
noch shaoras an díreach a ccroidhe.
11 Do ní Dia breitheamhnus air an
bhfiréun, agus bí Dia feargach [ris an
cciontach] gach éanlá.
12 Muna bhfillidh sé, cuirfe sé fáo-
bhair air a chloidheamh: do lúb sé a
bhodha, agus do rinne sé ullamh é.
13 Do ghléus sé dhó mar an ccéadna
oirnéis an bháis: dórduigh sé a shaigh-
eada a naghaidh na ninghreamach.
14 Féuch, bídh sé torrach lé héic-
ceart, agus do ghabh sé urchóid, agus
do rug sé neimhfhírinne.
15 Do rinne sé clais, agus do tho-
chuil sé í, agus atá ar ttuitim annsa
pholl noch do rinne sé féin.
16 Fillfidh a urchóid air a cheann
féin, agus tiocfuidh a fhoiréigion námha-
dach a nuas air a bhaithis féin.
17 Molfad an Tighearna do réir a
fhiréantachda: agus canfad moladh
dainm an Tighearna is ro áirde.

PSALM. VIII.

Sochar Dhé do dhuine.

Don phrimhfhear ceóil air Ghittit
Psalm Dháibhi.

O A Thighearna ar TTighearna,
cred é a oirdhearca atá hainm ann-
sa talamh uile! dá bhfoillsigheann tú do
ghlóir ós cionn na bhflaitheas.
2 As béul na naóidhean, agus leanabh
na ccioch dórduighis neart, do bhrígh
do naimhde, chor go ccoisgféa an námh-
uidh agus an dioghaltóir.
3 A nuair mheasuim do fhlaithis,
obair do mhéur, an ré, agus na réulta
noch do órduighis;
4 Cred é an duine, as a bhfuil tú
cuimhneach air? agus mac an duine as
a bhfiosruighionn tú é?
5 Oir do rinne tú é beagan níos
ísle ná na haingil: agus do choróini-
ghis é le glóir agus le honóir.
6 Do chuir tú é ós cionn oibreach do
lámh; do chuiris a nuile ní fá na chosuibh.
7 Na caoirigh uile, agus na doimh,
fós agus beathuigh an mhachaire:
8 Eunluith a naiéir, agus iasg na
fairge, agus gidh bé ar bith ghabhus
tre chasanuibh na bhfairgeadh.
9 O a Thighearna ar TTighearna
cred é a oirdheraca atá hainm annsa
talamh uile!

PSALM. IX.

Psalm bhuideachuis arson bhuaidh Shiain.

Don prímhfhear ceóil air Mhut-Labben,
Psalm Dháibhi.

MOlfa me thú, a Thighearna, re
croidhe iomlán, foillseocha mé
hoibreacha iongantacha uile.
2 Biaidh mé lúathgháireach, agus gáir-
deochad ionadsa: canfad moladh dod
ainm, ó thusa is ro áirde.
3 A nuair fhillfighear mo naimhde
ar a nais, tuitfid siad, agus rachuid
seachad ad fhiaghnuisi.
4 Oir do chothuighis mo cheart, agus
mo chúis: do shuighis san nárdchathaoir
ag breathnughadh ceirt.
5 Do imdheargúis na geinte, do
lérscriosuis

lérscriosuis an ciontach, do chuiris a-
mach a nainm go saoghal na saoghal.
6 O a náimhuid, atáid sgriosa air
tteachd chum críche suthuine: agus do
sgriosuis caithreacha, dímthigh a ccuimh-
niughadh seachad maille riu.
7 Acht mairsidh an Tighearna choidh-
che: dullmhuigh sé a árdchathaóir
chum breitheamhnuis.
8 Agus do dhéana sé breitheamhnus
air an saoghal a bhfiréantachd, do dhéana
sé breitheamhnus don phobal a bhfírinne.
9 Biaidh an Tighearná mar an ccéad-
na na ionad dídin don té sháruighthear,
na dhaingion a naimsearuibh buaidhear-
tha.
10 Agus an mhuintir agá bhfuil fios
hanma, cuirfid a ndóigh ionnad: óir
thusa a Thighearna, níor threigis an
luchd iarrus thú.
11 Cán molta don Tighearna, noch
chomhnuighios a Sion: foillsigh a measc
an phobail a ghníomhartha.
12 A nuáir do ní sé cúartughadh
air fhuil, cuimhnighidh sé orra: ní
dhearmadann sé éighiomh na numhal.
13 Déan trócaire oram, a Thighearna;
meas mo bhuaidhreadh noch fhuilngim
ón muintir fhúathuighios mé, thusa noch
thógbhus súas mé ó gheatadhuibh an
bhais:
14 Chor go ttaisbeanfainn do mholadh
uile a ngeatadhuibh inghine Sion: gáir-
deocha mé ann do shlánughadh.
15 Do sluigeadh síos na geinte annsa
chlais noch do rinneadar: annsa líon
noch do fholuigheadar, do gabhadh a
ccos féin.
16 Aitheantar an Tighearna ris an
mbreithemhnus noch chuireann sé a bhfé-
idhm: gabhthar an ciontach a nobair
a lámh féin.
17 Cuirfighear na ciontaigh go hifri-
onn, agus a nuile chineadh noch dhear-
madas Día.
18 Oír ní dearmadfuighear an teas-
bhadhach a ccomhnuigh: ní rachuidh
dóthchus na mbochd a mugha go bráth.
19 Eírigh, ó a Thighearna, na léig don
duine buadhughadh: déantar breithea-
mhnus air na geintibh ad radharc.
20 Cuir eagla orra, ó a Thighearna:
chor go mbiáidh a fhios ag na cineadha-
chuibh, nach bhfuil ionnta féin achd da-
oíne.

PSALM. X.

Urnaighe anagbaidh fhaille & fhoirr neart.

CRed fa seasann tú a bhfad amach, ó a
Thigearna? cred fá bhfolchann tú
thú féin a naimsearuibh buaidheartha?
2 Do ní an ciontach iona uabhar gér-
leanmhuin air an mbochd; go ngabhthar
íad annína cealguibh noch do smuáinea-
dar féin.
3 Oír maóidhigh an ciontach fonn a
chroidhe, & beannuighidh sé an sanntach,
noch fhúathuighios an Tighearna.
4 Ní dhéan an ciontach, tre úabhar a
ghnúisi, lórgaireachd a ndiáigh Dé;
ní bhfuil Día iona uile smuáintighibh.
5 Atáid a shlighthe a ccomhnuidhe
doilghiosach, atáid a bhreitheamhnuis a
bhfad súas as a radharc; maille ris na uile
ccáirdibh uile, bíth sé ag fochmhaid [illegible]
6 A dubhairt sé iona chroidhe, Ní
corrochar mé; óir ní bhia mé go
bráth a naindeisi.
7 Atá a bhéul lán do mhallachd, agus
do mealbhuil, & do cheilg; faoi na thean-
gaidh atá urchóid, agus diomhaoineas.
8 Suighidh sé a nionaduibh foraire na
mbailteadh; annsna hionaduibh dí[illegible]
dúnmharbhuidh sé na neimhchiontaigh:
atáid a shúile go foluightheach na [illegible]
a naghaidh na mbochd.
9 Luighidh sé a bhfeitheamh go dí-
amhair amhuil leomhan iona [illegible],
luighid sé a bhfeitheamh cum [illegible]
na bochduibh; beiridh sé ar an [illegible]
a nuáir thairrngios sé é chum a [illegible].
10 Cromuidh sé, agus umhluighidh
é féin, chor go ttuitfeadh an bochd [illegible]
na threánuibh.
11 A dubhairt sé iona chroidhe, Do
dhearmuid Día; foluighidh sé a [illegible],
ní fhaicfidh sé go brath é.
12 Eírigh, ó a Thighearna Día, tóg
súas do lámh; ná dearmuid an [illegible].
13 Cred fá ttarcuisnighid na ciontaigh
Día? a dubhairt sé iona chroidhe, Ní
iarrfa tú é.
14 Do chonnáirc tú é, óir do bheir tú
aire durchóid, agus do mhíoruin, chum
a chúitigh led láimh; tiomnuighidh an
bochd é féin duit, is tú cobhartach na
ndílleachd.
15 Bris ruigh an chiontuigh, agus an
drochdhuine; lorg amach a chionta
go nach bhfaghair éainní.
16 Is Rígh an Tighearna go saoghal
na saoghal: do cuireadh na geinte les-
chad amach as a thalamh.
17 A Thighearna, do chualaidh tú fonn
na numhal; ulllmhochaidh tú a ccroidhe,
do bhéarair air do chluas éisteachd;
18 Chum breitheamhnuis do dhéanamh
air an ndílleachd, agus air an té foir-
éigeantar, chor nach éigneochaidh fear
na talmhan ní budh mó.

PSALM XI.

*Gu bhfuil cumann bhaoghlach na ndroch dhe-
oine, insbeachanta.*

Don phrimhfhear ceóil, Psalm Dhaibhi.

ANsa Tighearna chuirim mo dhóigh;
cionnus a deir sibhsi rem anam, Teich
mar éun chum do shléibhe?
2 Oír féuch, lúbaid na ciontaigh a
mbogha, do níd a saighiod réidh air an
tsraing; chor go ccaithfidís go foluigh-
each air an bhfiréun a ccroidhe.
3 Má sgriostar na bunaite, cred is
féidir leis na fíreunuibh do dhéanamh?
4 Atá an Tighearna ann a theampull
naomhtha, atá árdchathaóir an Tighearna
air neamh do bheirid a shúile aire, feuch-
ghid forrdhubha a shúl clann na ndaóine.
5 Dearbhuidh an Tighearna an fíreun
acht an ciontach agus an té ghradh-
uighios foiréigion, fúathuighidh a anam.

6 Air an cciontach fearfuidh ſé
[illegible], agus ruibh, agus anfadh
[illegible]: budh é ſo comhroinn a
[illegible]?
7 Óir an Tighearna fíréanta is ion-
[illegible] leis fíréantachd, do bheir a
[illegible] aire don duine dhíreach.

PSALM. XII.

*[illegible] dhuine, meabhlach, ó ach briathra
[illegible] fírinneach.*

[illegible] ceóil air Sheminit,
Pſalm Dháibhi.

C[illegible] a Thighearna; óir ſcuiridh
[illegible] an duine díadha: óir failllighidh
[illegible] do bheith a measc
[illegible] na ndaóine.
2 [illegible] ſiad díomhaóineas gach
[illegible] re na chombarſuin: le pu-
[illegible] meabhlacha, le croidhe dúbalta
[illegible] ſiad.
3 [illegible] an Tighearna amach
[illegible] meabhlach, agus an teanga
[illegible] neithe uáibhreacha.
4 [illegible] a dubhairt, Le ar tteangaidh
[illegible], is linn féin ar bpuis, cía
[illegible] ós ar ccionn?
5 Ar ſon ſáruighthe na mbochd, ar
[illegible] na neaſbhadhach, anois
[illegible] mé, (a dubhairt an Tighearna)
[illegible] mé eiſion a neambaoghal ón
[illegible] a ngaiſte é.
6 Focail an Tighearna, is focail ghla-
[illegible] iad: mar airgiod dearbhtha a bhfuir-
[illegible] chríadh, níamhghlanta ſeachd
[illegible].
7 Coimheadſa tú iad, ó a Thighearna,
[illegible] tú iad ón ghinealachſo
go [illegible].
8 [illegible] na ciontaigh air gach
[illegible], a nuáir árduighthear na
[illegible] is mimheaſta.

PSALM XIII.

[illegible] ag cathughadh anaghaidh [illegible].

Don [illegible] ceóil, Pſalm Dháibhi.

CÁ fad dhearmodair miſi, a Thi-
ghearna, go bráth? cá fad fhol-
[illegible] thaghaidh uáim?
2 Cá fad ghlacfad comhairle ann
[illegible], dobrón ann mo chroidhe go
[illegible]? cá fad bhíáid mo naimhde
[illegible] ós mo chionn?
3 [illegible], agus éiſd miſi, ó a Thigh-
earna mo Dhia: ſoillſigh mo ſhúile,
[illegible] go ccoideolſuinn codladh an
[illegible]:
4 Deagla go naibeoradh mo námhuid,
Do bhuaidheas na aghaidh; agus an
[illegible] bhuaidhrios mé, gáirdighid a
[illegible] ar ccorrughadh.
5 Acht do chuirios mo dhóigh ann
do thrócaireſi, gáirdeochuidh mo
chroidhe ann do ſhlánughadh.
6 Canfad chum an Tighearna, do
bhrígh gur roinn ſé go fialmhar riom.

PSALM. XIV.

[illegible] an nádur thruaillidh an duine.

Don phrímhfhear ceóil, Pſalm Dháibhi.

A Dubhairt an tamadán iona chroi-
dhe, Ní bhfuil Dia ann: atáid
ſiad truáillighe, do rinneadar oibrea-
cha adhfhúathmhara, ní bhfuil éain-
neach do ní maith.
2 Dféuch an Tighearna a núas ó
neamh air chloinn na ndáoine: dféu-
chain an raibh aonduine do thuig-
ſeadh agus diarrſadh Día.
3 Do chlaonadar uile, atáid ſiad
uile truáillighe: ní bhfuil éainneach do ní
maith, ní bhfuil éainneach amháin.
4 An bhfuil éolus air bith ag a nuile
dhuine oibrighios éaccoeart? noch ithios
ſuas mo phobalſa mar ithid ſiad aran,
agus gan ghairm air an TTighearna.
5 Annſin do bhádarſan a neagla
mhóir: oir atá Día a nginealach na
bhfíréan.
6 Do náirigheabhair comhairle an
bhoichd, do bhrígh gur bé an Tighearna
a dhaingean.
7 O nach ttig ſlánughadh Iſrael
amach as Sion; a nuáir bhéaras an
Tighéarna daoirſine a phobail air ais,
gáirdheochuidh Iácob, agus biaidh Iſ-
rael lúathgháireach.

PSALM XV.

Eiſiomlar áitreabhthaich ríghacht Dé.

Pſalm Dháibhi.

A Thighearna, cía choimhneochus ann
do thabernacuil? cía áitreobhus
ann do chnoc naomhtha?
2 An té ſhiubhluighios go díreach,
agus oibrighios fíréantachd; agus la-
bhrus a nfírinne iona chroidhe.
3 An té nach déan ithiomradh le na
theangaidh, is nach déan olc dá chomhar-
ſuin, is nach ttógbhann ſúas míochlú a
naghaidh a chombarſan.
4 An té a ttarcuiſnighthear an
drochdhuine iona ſhúilibh, achd onóruigh-
ghios an dream air a mbí eagla an
Tighearna: an té noch mhionnuighios
chum a dhíoghbhála féin, agus nach
malartuighionn.
5 An té nach ccuireann amach a
chuid airgid cum úſuireachda, is nach
glacann luaidheachd a naghaidh na
neimhchiontach. An té do ní na nei-
theſo, ní háthrochthair é go bráth.

PSALM. XVI.

*Tearmann, comhluadar, ir aoibhneas Dhái-
bhi tar éis na haiſeirghe.*

Pſalm órdha Dháibhi.

CUmhduigh mé, ó a Dhé: óir is
ionnadſa chuirim mo dhóigh.
2 O mo anam, a dubhairt tú ris
an TTighearna, is tú mo Thighearna:
ní roichionn mo mhaith chugadſa.
3 Acht chum na náomh atá air ta-
lamh, agus chum na noirdhearc iona
bhfuil mo uile thaitneamh.
4 Méideochar a ndóbrón, noch bhroſ-
tuighios a ndiáigh Dée oile: a ndeoch-
íodhbhartha fola ní ofrála mé, ní
thógfa mé ſúas a nainm chum mo phus.
5 Iſé an Tighearna comhroinn moi-
ghreachda, agus mo chupáin: cothui-
ghionn tú mo chrannchair.
6 Do thuiteadar na comharthadha
chugamſa a nionaduibh thaitneamhacha;

fós atá oighreachd mhaith agum.
7 Beinneochia mé an Tighearna, noch
thug comhairle dhamh: do thegaisgea-
dar mo dhubháin mé mar an ccéadna a
naimsir na hoidhche.
8 Do chuirios an Tighearna do ghnáth
ós mo choinne: do bhrigh go bhfuil sé
air mo láimh dheis, ní chorrochthar mé.
9 Uime sin atá mo chroidhe lúath-
gháireach, agus gáirdighidh mo ghlóir:
coimhneochuidh mo cholann mar an
ccéadna a ndóthchus.
10 Oir ni fhagfa tú manam a nif-
rionn; ní mó fhuileongthair truáilliugh-
adh dfaicsin dot áon naomhsa féin.
11 Taisbeanfa tú dhamh casáin na
beatha; ad lathairsi atá lionmhaireachd
lúathgháire, air do láimh dheis atá sáimhe
go síorbhúan.

PSALM. XVII.

An duine diagha ag tagra ré na naimh-dibh.

Urnaigh Dháibhi.

EIst an ceart, a Thighearna, tabhair
aire dom éighiomh: tabhair
clúas dom urnuigh, nach imthigheann
amach as pusuibh meabhlacha.
2 Tigeadh mo bhreitheamhnus amach
ód lathair; tugaidís do shúile aire do na
neithibh atá comhthrom.
3 Do dhearbhuis mo chroidhe, do
fhiosruighis sa noidhche, do dhearbhuis
mé, agus ní bhfuighir éinní: is mían
liom nach cciontochuidh mo bhéul.
4 A ttáobh oibreach na ndaóine, lé
breithir do phusa do fheachain mé ca-
sáin an scriostóra.
5 Connuimh súas mo imtheachd ann
do chasanuibh, chor nach sleamhnochuid
coischéime mo chos.
6 Do ghoireas ort, óir cluinfir mé, ó a
Dhé: claon do chlúas chugam, agus
éist mo chomhrádh.
7 Taisbéin do chinéul grádhach
iongantach, ó thusa noch shaorus led
láimh dheis, an luchd do chuirios a
ndóigh ionnad, ón mhuintir noch éirghios
súas na naghaidh.
8 Coimhead mé mar mheall na súl:
foluigh mé faói scáile do sciathán:
9 O na ciontachuibh noch sháruighios
mé, óm naimhdibh marbhthacha, noch
thimchiollas mé fa ccuairt.
10 Atáid siad dlúithithe iona méu-
thus féin: le na mbeul labhruid go
huáibhreach.
11 Do thimchiolladar anois sinn, ionar
ccoiscéimibh: do chuireadar a súile ag
cromadh síos chum na talmhan:
12 Amhuil leomhan noch ata gearach
chum a chreiche, ⁊ mar leomhan óg ag
forchoimhéad a nionaduibh díamhara.
13 Eirigh, ó a Thighearna, toirmisc
é, teilg síos é, fúasguil manam ó na
cionntachaibh, red chloidheamh.
14 O dhaóinibh red láimh, a Thigh-
earna, ó dhaóinibh an tsaoghail, agá
bhfuil a ccuidannsna mbeathaso: ag ar
lionuis a mbuilg led ionmhus fol-
gheach: atáid siad lán do chloinn, agus
fágbhuid an chuid olle dá maoin ag
naóidheanuibh.
15 Air mo shonsa, do bhéara mé aire
dot ghnúisi a bhfireantacht: biaidh mé
sásuigh, an tan mhúsgeolus mé, led chos-
amhlacht.

PSALM. XVIII.

Caithréim, Buidheachas, ⁊ Faigheadóireacht Dhaibhi a ndeireadh a bheatha.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm Dháibhi
searbhfhoghantuigh an Tighearna, noch
do labhair ris an Ttighearna briathra
na cainticesi ansa lá ionar shaor é ó
lámhuibh a namhad uile, agus as láimh
Shauil, agus a dubhairt.

GRáidheochuidh mé thú ón in-
ghibh, a Thighearna mo neart.
2 An Tighearna mo charraic, agus
mo dhaingean, agus mfear fiorthuis, mo
Dhía, mo neart, ióna cuirfe mé mo dhóch-
chus: mo sciath agus adharc mo slán-
uighthe, mo ionad árd.
3 Goirfe mé air an Ttighearna, noch
is fiu a mholadh, agus saorfaighthear
óm naimhdibh mé.
4 Do thimchiolladar doilgheása an
bháis mé; do eagluigheadar tuilte na
neimhdhiadhachda mé.
5 Do thimchiolladar doilghiós
ifrinn fa ccuairt mé: do cuireadh lon-
ta an bháis as mo choinne.
6 Ann mamhgar do ghoireas air mo
Thighearna, agus déighios air mo Dhía;
do chúaluidh sé ó na theampall mo
ghuth, agus do chuáidh méimhghe iona
choinne iona chlúasaibh.
7 Ann sin do chroith, agus do chri-
othnuigh an talamh, agus do chrioth-
nuigheadar íochdar na ccnoc, agus do
chriotheadar íad féin, do bhrigh go
raibh teas feirge air.
8 Do chuáidh deatach súas tré na
shróin, agus teine iona bhéul ag caitheamh:
do lás gúal úadha.
9 Agus do chláon sé na neamha, a-
gus tháinic a nuas, agus do bhí dorch-
dus fa na chosuibh.
10 Agus do bhi ag marcuigheachd ar
Cherub, agus deitil sé: deitil go ro luath
ar sciothánuibh na gaóithe.
11 Do rinne a ionad uáigneach don
dorchadus: uisgeadh dorcha, agus
néulla thiugha a naiéir bá páilliúin dó ma
thimchioll.
12 On deálradh do bhí as a choinne
dimthigheadar a néulla tiugha, cloch
shneachda, agus gúal teineadh.
13 Agus do rinne an Tighearna
tóirneach annsna neamhuibh, agus tug
an té is ro áirde a ghuth, cloichshneachda
agus gúal teineadh.
14 Fós do chaith sé a shoighde, agus
do spréidh sé íad; agus do chaith tói-
teach, agus do chlaói íad.

15 Ag

15 Agus do chonncas aigéun na [illegible], agus do nochtadh íochdar an [illegible]; ód achmhuſánſa, a Thighearna, ó [illegible] anála do ſhróna.

16 Do chuir ſé a núas, do ghabh ſé [illegible] do tharruing ſé mé as iomad [illegible].

17 Do ſháor ſé mé óm námhuid neart[illegible], agus ón druing do f[h]úathaigh [illegible]; óir do bhádar ro neartmhar orum.

18 Thangadar am aghaidh a ló mo [illegible]; acht do bhí an Tighearna na urrainn agam.

19 Agus thug ſé amach a nionad [illegible] mé; do ſháor ſé mé, do [illegible] go raibh dúil aige ionnam.

20 Do aiſig an Tighearna dhamh do réir mfíréantachd, do réir ghloine [illegible] thug ſé díoluigheachd dhamh.

21 Do bhrígh gur choimhéud mé [illegible] an Tighearna, agus nar f[h]ill [illegible] ó mo Dhía.

22 Óir do bhádar a bhreitheamh[illegible] ós mo chomhair, agus níor [illegible] a reachda uáim.

23 Agus do bhí mé díreach aige, ⁊ do [illegible] mé féin ó mo chionntuibh.

24 Agus thug an Tighearna luáigheachd dhamh do réir mfíréuntachda, do réir ghloine mo lámh ós coinne a ſhúl.

25 Don trócaireach táiſbeanſa tú thú féin trócaireach; ris an nduine ndíreach táiſbeanſa tú thú féin díreach.

26 Do nfíorghlan foillſeachthair thú féin fíorghlan, agus leis an cceannairc[each] foillſeochthair thú féin ceannairceach.

27 Óir ſíorfa tú na daóine buáidheartha, agus do bhéarair na ſúile [illegible] árda a núas.

28 Óir laſfaidh tú mo chonniol, foillſeochthuidh mo Thighearna Día mo dhorchadus.

29 Óir tré do chungnamhſo rithfiod [illegible]: agus maille ré mo Dhia [illegible] do léim thar bhalla.

30 Do tháobh Dé, atá a ſhlighe iomlán; do dearbhadh bríathra an Tighearna, is ſcíath é do nuile chuirios a ndóthchus ann.

31 Óir cía is Día acht an Tighearna? cía is carruig acht ar Ndíane.

32 An Día noch ullmhuighios mé lé neart, agus do ní mo ſhlighe iomlán.

33 Noch do ní mo choſa ionann ré [illegible] na neilteadh, agus ſhuighios mé ar mionaduibh árda.

34 An té mhúinios mo lámha chum [illegible], iondus go mbriſtior bogha [illegible] rem lámhuibh.

35 Agus thugais damh ſcíath do [illegible], agus do chonnaimh do [illegible] dheas ſúas mé, agus do mhéudaigh do cheanſachd mé.

36 Fairſeonguidh tú mo choiſcéime [illegible], agus ní [illegible] mo ſhála.

37 Do bhéar tòruigheacht dom naimhdibh, agus béarad orra, agus ní [illegible] mé go ccláoidhtear íad.

38 Goinfead íad thríothadh, iondus nach budh éidir léo éirghe: tuitfid fam choſuibh.

39 Uillmheochuidh tú lé neart mé chum an chatha, daoidhfidh tú an luchd éirghios am aghaidh.

40 Agus thugais muineul mo námhad dhamh, agus an luchd f[h]uáithighios mé ſcrioſſa mé íad.

41 Do dhéanuid éimhghe (⁊ ní bhiáidh áon do dhéanadh a ndídion) chum an Tighearna, agus ní chluinſe ſé íad.

42 Agus brúighſe mé íad amhuil luáithreadh roimhe an ngaóith: amhuil lathach annſna ſráidibh ſailteoruidh mé orra.

43 Saorſa tú mé ó imreaſain na ndaoine, cuirſir mé mar cheann air na cineadhachaibh, daoine nar bhaithne dhamh, do dhéanuid ſerbhís damh.

44 Comhluath is chluinfid a ccluas, caithfid bheith umhal damh: caithfidh an coigcrigheach umhla do dhéanamh dhamh.

45 Tuitfid na coigcrigh, agus biáidh eagla orra as a nionaduibh daingne.

46 Mairidh an Tighearna, agus go madh beannuigh bhias mo charruic: ⁊ árduighthear Día mo ſhlánnighthe.

47 An Día noch do bheir dioghaltas ar mo ſhonſa, agus a deir ris na daóinibh bheith urramach dhamh.

48 Sáorſa tú mé óm naimhdibh; iſeadh, tógſa tú mé ós cionn na druinge éirghios ſúas am aghaidh; ſaorſa tú mé ó fhear a nfhoiréigin.

49 Ar a nadhbharſin molſa mé thú a Thighearna, a meaſc na ngeinteadh: agus canfad moladh dot ainm.

50 Noch do bheir ſúaſcluithe móra dha Righ: agus fhoillſighios trócaire dhá ungthach, do Dháibhi, agus dá ſhíol go bráth.

PSALM XIX.

Gu bfaicthear glòir Dhè iona Oibrighthibh. 7 ⁊ a ghràs ina Bhriathraibh.

Don phrìomhfhear ceóil, Pſalm Dháibhi.

FOillſighid na flaithis glóir Dé, taisbeanuid na ſpéirigh obair a lámh.

2 Foillſighidh lá urlabhradh do lá oile, ⁊ foillſighidh oidhche eagna doidhche.

3 Ní bhfuil combrádh ar bith, agus ní bhfuil focail, nach ccluintear a nguth.

4 Téid a líne go fóirleathan annſa talamh uile, agus a mbríathra go deireadh an domhuin; do chuir ſé páilliun don ghréin ionnta.

5 Noch atá amhuil fear mná póſta ag teacht amach as a ſheómra, lúathgháirighidh ſé amhuil fear neartmhar ag rioth coímhliongа.

6 O théoruinn na bhflaitheas iſeadh thriallus amach; agus a thimcheallradh go nuige a théorannuibh oile: agus ní bhfuil aóinni a bhfolach ó na theas.

7 Atá dligheadh an Tighearna iomlán, ag iompógh a nanma; is fírinneach fiaghnuiſe an Tighearna, ag déanamh an tſimpligh críonna.

8 Ataid reachda an Tighearna ceart, ag gáirdiughadh an chroidhe: atá áithne an

an Tighearna ſiorghlan, ag tabhairt
radhairc do na ſúilibh.
9 Atá eagla an Tighearna glan, ag
marthuin choidhche : is ſírinneach
breitheamhnuſa an Tighearna, agus
ceart go hiomlán.
10 Mó is cóir a ǹiarruidh ná òr,
ná iomad dór ſhínealta ; ni is millſi
mar an gcéadna ná mil, agus ná ſeilt
chriathar na meala.
11 Leó fós teagaſgar do ſhearbhſhó-
ghantuigh : iona ccoimhéad atá luaigh-
eachd mhór.
12 Cía thuigſeas a ſheachrán : [ó
pheacuighibh] ſoluigheacha glanſa mé.
13 Mar an ccéadna ó pheacuighibh
uáibhreacha connuimh ar ais do ſheir-
bhíſeach: ná bíodh cumhachda aca orum :
annſin bhias mé díreach, agus bíad
nemhchiontach ó naindligheadh mhór.
14 Bidís bríathra mo bhéil agus
ſmuáineadh mo chroidhe ionghabhtha ad
láthair, ó a Thighearna mo charruic
agus mfear fúaſguilte.

P S A L M XX.

Guidhe na Heagluiſi arſon an Rí ionna thiomnſgantaibh.

Don phrímhſear ceóil, Pſalm Dháibhi.

GO ccluinidh an Tighearna thú a ló
na buáidheartha, go ccoimhéa-
duigh ainm Día Jácob thú.
2 Go ccuiridh cabhair chugad as an
tſanctóra, agus go neartuighe thú as
Sión.
3 Go ccuimhnighe thofrála uile, agus
go niompóigh thiodhbairt loiſcthe a
luáith.
4 Go ttuga dhuit do réir do chroi-
dhe, agus go ccoimhlíonuidh huile cho-
mhairle.
5 Do dhéanam gáirdeachuis ann do
ſhlánughadh, agus a nainm ar Ndé cuir-
ſeam bratacha ſúas : go ccoimhlíona an
Tighearna huile íarratas.
6 Anois aithnighim go ſlánuighionn
an Tighearna a ungthach : cluinſe ſé
é ó na ſhlaitheaſuibh neamhdha re
neart didin a láimhe deiſe.
7 [Cuimhnighidh] drong air char-
badaibh, agus drong oile air eachuibh :
acht cuimhneochaimne air ainm an
Tighearna ar Ndé.
8 Tugadh a núas íad, agus do thuit-
eadar, achd éirghimídne ſúas, agus
ſeaſamuid go díreach.
9 O a Thighearna ; cluineadh an
Rígh ſinn a nuáir ghoirſeam.

P S A L M XXI.

Buidheachas an déagh Rí déis buadhughadh. 7 & a bhárr muinighinn.

Don phrímhſhear ceoil, Pſalm Dháibhi.

A Thighearna, ann do neartſa dhéanas
an Rígh gairdeachus, agus cred é
a lúathgháirigh bhias ſé ad ſhlánughadh?
2 Thug tú toil a chroidhe dhó ;
agus níor chonnuimh tú uádh íarratas
a bhéil.
3 Thug tú dho fós beannughadh na
maitheaſa ſuil do íarr ſé ; do chuiris
coróin dór ſhiorghlan air a chionn.
4 Díarr ſé beatha ortſa, agus [illegible]
ſin do, fad laithéadh go bráth.
5 Is mór a ghlóirſion ann do [illegible]
ghadh ; mórdhacht, agus onóir do [illegible]
tú air.
6 Do dhéana tú fós ro [illegible]
é go bráth ; do dhéana tú ro [illegible]
ghaireach é lé do ghnúis.
7 Do bhrígh go bhfuil [illegible]
Rígh annſa Tighearna ; agus [illegible]
trócaire an té is ro áirde, ní [illegible]
rochthar é.
8 Do gheabhaidh do lámh [illegible]
naimhde uile ; do gheabha do [illegible]
dheas an luchd ſhúaithighea[illegible]
9 Do dhéana tú íad mar [illegible]
tinntighe a naimſir thſeirge ; [illegible]
fidh an Tighearna iona ſheirg íad, [illegible]
ſluigfidh an teine íad.
10 Scriosſa tú a ttoradh ó[illegible]
agus a ſíol ó chloinn Adhaimh.
11 Oír do chomhairligheadar [illegible]
aghaidh; do ſmuáinigheadar [illegible]
urchóideacha nár ſhéadadar do [illegible]
nughadh.
12 Uime ſin chuirſios tú [illegible]
íad mar bhuta re ccaitear [illegible]
cuirfi tú do ſhoighde air do ſ[illegible]
as choinne a néadain.
13 Arduigh thú féin, a Thigh[illegible]
ad neart : mharſin chanſum, agus [illegible]
ſam thárrachtus.

P S A L M XXII.

Gearán Dhaibhi ar na chrádh ; [illegible] ar chéuſadh Chrioſd.

Don phrimhſhear ceóil ar A[illegible]
ſahar, Pſalm Dháibhi.

MO Dhía, mo Dhía, cred [illegible]
mé, agus tú a bhfad óm ſhlánugh-
adh, ó bhriathruibh mo ghártha !
2 Mo Dhía, comhairc[illegible] [illegible],
agus ní chluin tú ; anſa noidhche, [illegible]
bhfuil ſuáimhneas agam.
3 Acht atá tuſa náomhtha, [illegible]
áitreabhus a molta Iſrael.
4 Ionnadſa do chuireadar ar naithre
a ndóigh, do chuireadar agus do ſhior
tú íad.
5 Chugadſa do chomhairceadar, agus
do ſaoradh íad ; ionnad do chuireadar
a ndóthchus, agus níor claoidheadh íad.
6 Acht peiſt miſi, agus ní [illegible]
ſcannail na ndaóine, ar mo thar[illegible]
niughadh ag an bpobal.
7 Gach a bhſaicionn mé, [illegible]
magadh orum : iompóighid amach a
mbéul, croithid a cceann,
8 [Ag rádh] Do chuir ſé a dhóigh
a Ndía, go ſaorſadh é : ſuaſgladh ſé é,
ó tá dúil aige ann.
9 Acht is tuſa thug miſi amach a
an mbroinn, thug tú orum [illegible]
do bheith agam, agus mé ar chíoch[illegible]
mo mhathar.
10 Ortſa do teilgiodh mé ón [illegible]
inn : ò bholg mo mhathar is tú [illegible]
Dhía.
11 Ná bí a bhfad uáim, óir [illegible]
buáidhreadh a ngar : óir ni bhfuil [illegible]
cunganta.
12 Do

12 Do thimchiolladar iomad bulóg
[illegible] neartmhara Báſan thanga-
[illegible] thimchioll go cruinn.
13 Do fhosgladar a mbeul orum amhuil
[illegible] ag inghreim, & ag búirfidh.
14 [illegible] ar mo dhortadh amach
[illegible], atáid mo chnámha uile as
[illegible] ſein: is coſmhuil re céir mo
[illegible], ar leaghadh a meadhon min-
[illegible].
15 Atá mo neart ar na thiormu-
[illegible] amhuil criáidh loiſge, agus do
[illegible] mo theanga dom ghíalluibh !
[illegible] mé go luáithreadh an
[illegible].
16 Oir thangadar madraidhe am
[illegible], díadhadar coimhthionól na
[illegible] am thimchioll: do tholla-
[illegible] lámha agus mo chosa.
17 [illegible] mo chnámha uile dáireamh:
[illegible] ſiad agus amhaircid orum.
18 [illegible] méadach eaturra agus do
[illegible] crannchair air mo chulaidh.
19 Acht thuſa a Thighearna, na bí a
[illegible] uaim: ó mo neart, deithfrigh
[illegible] chabhair.
20 [illegible] ſíor manam ón ccloidheamh: mo
[illegible] ó neart an mhadraidh.
21 Coimhéad mé ó bhéul an leomhuin;
[illegible] do chúala tú mé ó adharcaibh na
[illegible].
22 Foillſeachuidh me hainm dom
[illegible]: a lár an choimhthi-
[illegible] molfa mé thú.
23 Sibhſi air a bhfuil eagla an Ti-
[illegible], moluidh é: ſíol Jácob uile
[illegible] é: agus bíodh a eagla oruibh,
[illegible] Iſrael uile.
24 Oir níor tharcuiſnigh, agus
[illegible] ſé aindeſe an duine
[illegible]: agus níor fholuigh a aghuidh
[illegible], agus a nuair do ghoir ſé air, do
[illegible] ſé.
25 Bedh tuſa mholfas mé ann ſa
[illegible] mhóir; coimhlionfa mé
[illegible] ós a ccuinne agá bhfuil a eagla
[illegible].
26 Iofaid na [daoine] macanta, agus
[illegible] ſáſta; molfuid an Tighearna an
[illegible] iarrus é; mairfidh bhur ccroidhe
go bráth.
27 Cuimhneochuid críocha na talmhan
uile é & iompóchuid chum an Tighear-
na: & do dhéanuidh a nuile chineadh
do na geinteibh, adhradh ós a choinne.
28 Oir is leis an Ttighearna an río-
ghacht; agus iſé is úachdarán a meaſc
na ccineadhach.
29 Gach a bhfuil reamhar ar talamh
[illegible], agus do dhéanaid adhradh: a ra-
[illegible] ſíos don luaithreadh claonfuid
[illegible] a choinne, agus ní dhéana aóinneach
a anam féin do chongmháil béo.
30 Do dhéaná ſliochd ſerbhís dó, áir-
[illegible] don Tighearna mar ghinea-
lach é.
31 Tiucfaid ſiad, agus foillſeóchuid
a fhiréuntachd don luchd bhéarthair,
go ndéarna ſé é.

PSALM. XXIII.

Curam Dhé dha threud thoghtha.

Pſalm Dhaibhi.

A Sé an Tighearna mo aodhaire, agus
ní bhiaidh easbhuidh orum,
2 Do bheir ſé orum luighe a ninbhear
fhéir mínligh, tréoruigh ſé mé láimh ris
na huiſgeadhuibh ciúin.
3 Aiſeoguidh ſé manam, tréorochuidh
ſé mé a róduibh na ſíréuntachda ar ſon
a anma féin.
4 Fós ar ſon go ſiubhlochuinn a
ngleann ſcáile an bháis, ní bhiáidh eagla
uile orum; óir atá tuſa agam, coibhreo-
chuidh do ſhlat & do mhaide mé.
5 Gléuſa tú bórd fám choinne a
bhfiaghnuiſe mo námhad: do ungaidh
tú mo cheann le hola, atá mo chupán
ag cur thairis.
6 Go dearbhtha leanfuidh maith agus
trócaire mé air feadh mo ſhaóghail:
agus do dhéanad áitreabh a ttigh mo
Thighearna go bráth.

PSALM. XXIV.

Combtharradha fir áitiughadh rígheachd Dé.

Pſalm Dhaibhi.

A S leis an Ttighearna an talamh, agus
a iomláine; an ſíoghal, agus an
mhéid áitreabhas ann.
2 Oír do ſhuighidh é air na huiſ-
geadhuibh, agus do dhaingnidh é air
na tuiltibh.
3 Cía rachus ſúas a ſliabh an Tigh-
earna? agus cía ſheaſſas ion ionad
náomhtha?
4 An té agá bhfuil lámha glana, agus
croidhe fíorghlan; noch nar thóg ſúas
a anum chum díomhaoinis, agus nach
ttug a mhionna chum ceilge.
5 Do gheabha ſé beannughadh an Ti-
ghearna, agus fíréuntachd ó Dhía a
ſhlánuighthe.
6 Iſé ſo ginealach na druinge iarrus é:
noch iarrus do ghnúis, a Dhía Jácob.
7 O ſibhſi a gheatuighe, tógbhuidh
ſúas bhur ccinn, agus tógbhuidh ſúas
ſibh féin, ſibhſi a dhoirſi ſiorruidhe; &
tiucfaidh Rígh na glóire a ſteach.
8 Cía hé an Rígh ſi na glóire? an
Tighearna láidir, agus cumhachdach;
an Tighearna cumhachdach a ccáth.
9 O ſibhſi a gheatuighe, tógbhuidh ſúas
bhur ccinn, agus tógbhuidh ſúas ſibh
féin, ſibhſi a dhoirſe ſíorruidhe; & tiuc-
faidh Rígh na glóire a ſteach.
10 Cía hé an Righſi na glóire?
Tighearna na ſlógh: iſé ſin Rígh na
glóire.

PSALM. XXV.

Teagaſc chum an bheatha mharthanuigh.

Pſalm Dhaibhi.

C Hugadſa, ó Thighearna, thóghbhuim
ſúas manam.
2 O mo Dhía, cuirim mo dhothchus
ionnad, ná náirighthear mé: ná déa-
naid mo naimhde gáir deachus ós mo
chionn.

3 Fós an mhéid chuirios a ndóigh ion-
nad, ná náirighthear iad; bíodh náire air
a ndroing noch chiontuighios gan chúis.
4 Foillsigh, a Thighearna, do shligthe
dhamhsa; taisbéin damh do chasain.
5 Tréoruigh mé ann thfirinne, agus
teagaisc mé: óir is tú Día mo shlá-
nuigthe; ortsa bhím ag feithiomh air
feadh an laói.
6 Cuimhnigh do thócaire chinealta,
ó a Thighearna, agus do mhuinntear-
dhas grádhach: óir atáid ann a ríamh.
7 Ná cuimhnigh peacadh móige, ná
mo sháruighthe: do réir do throcaire
cuimhnigh mé, ar son do mhaitheasa, a
Thighearna.
8 Is maith, agus is díreach an Ti-
ghearna: uimesin teagaiscfidh sé na
peacuich san tslighe.
9 Tréorochuidh sé na ceannsaighthe a
mbreitheamhnus, agus múinfidh sé a
shlighe do na ceannsaighthibh.
10 Is trocaire, agus firinne, slighthe
an Tighearna uile, don luchd chongmhus
a chunnradh agus a fhiaghnuiseadh.
11 Ar son hanma, a Thighearna,
iseadh mhaithfeas tú méaigceart, bíodh
gur mór sin.
12 Cia hé an duine air a bhfuil eagla
an Tighearna? múinse sé é annsa tslighe
thoighfeas sé.
13 Aitreobhuidh a anum a maith, & bi-
aidh oidhreacht na dúithche aga chloinn.
14 Atá rún an Tighearna ag an luchd
eagluigheas roimhe: agus foillsighidh
a chunnradh dhóibh.
15 Ataid mo shúile a ccomhnuidhe
chum an Tighearna: óir do bhéara sé
mo chos as an líon.
16 Féuch orum, agus déan trócaire
orum: óir atáim aonránach, agus buaidh-
earta.
17 Do fairsingeadh buáidhreadh mo
chroidhe, ó tabhairsi amach as mana-
cra mé.
18 Féuch ar manacra, & air mo phéin,
agus maith mo pheacuidhe uile dhamh.
19 Féuch air mo naimhde: óir atáid
ar na méudughadh, agus atá fúath aca
orum le foiréigion.
20 Coimhéad manam, agus saor mé;
agus ná náirighthear mé, do bhrigh go
bhfuil mó dhóthchus ionnadsa.
21 Cumhduigheadh díoghruis agus
ceart mé: óir dfan mé leachdsa.
22 Sáor Israel, ó a Dhía, ó nuile
bhuáidhreadh.

P S A L M. XXVI.

Feabhas an choguais ghlain.

Psalm Dháibhi.

BEir breath orum, a Thighearna,
óir do shiubhail mé an mionora-
cus; agus annsa Tighearna do bhí mo
dhóigh nach sciorrsa mé:
2 Spíon mé, a Thighearna, agus
teastuidh mé; indearbh mo dhubháin,
agus mo chroidhe.
3 Oir atá do chinéul grádhach ós
coinne mo shúl, agus do shiubhail mé [illegible]
thfirinne.
4 Níor shuigh mé ré daoinibh [illegible]
mhaoíne, ní mó rachfas mé a [illegible]
meallthóirighibh.
5 Do fhuathuigh mé [illegible]
luchd déanta a nuilc, agus ris an [illegible]
tach ní shuighfe mé.
6 Nighfe mé mo lamha a [illegible]
onntuibh, agus tiucfad timchioll [illegible]
a Thighearna.
7 Iondus go bhfoillsighe mé [illegible]
thabhartha buidheachuis, agus go [illegible]
mé hoibreacha iongantacha uile.
8 A Thighearna, do ghrádhuigh [illegible]
comhnuighe do thighe, agus [illegible]
comhnuighe do ghlóire.
9 Ná cruinnigh manam lé peacachaibh
na mo bheatha re daóinibh fuilteacha.
10 Ann a láimh a bhfuil urchóid, agus
a lámh dheas líonta do thiodhlaicthibh.
11 Acht am tháobhsa, siubhóluigh
mé ann mo dhioghruis: saor mé, agus
déan trócaire orum.
12 Atá mo chos na seasamh a ninad
chomhthrom; annsna coimhthionóluibh
beinneochad an Tighearna.

P S A L M XXVII.

Gu bfuil an dán ní riachtanach [illegible] a ttús.

Psalm Dháibhi.

ISé an Tighearna mo sholus, agus mo
shlánughadh: cía re a mbiáidh eagla
agum; sé an Tighearna neart mo bhea-
tha, cía budh eagal damh?
2 A nuair thangadar luchd déanta a
nuilc, measáirde agus mo naimhde, am
adhaigh dithé mfeóla, fúaradar siad
tuisleadh, agus do thuiteadar.
3 Dá ccampuigheadh slúagh am
aghuidh, ní bhia eagla air mo chroidhe:
dá neirgheadh cogadh am aghaidh, ann-
so bhías mé dóthchusach.
4 Aóinní amháin dathchúingidh mé
air an TTighearna, ag sin a ní iarrfad;
Mo chomhnuighe a ttigh an Tighearna,
air feádh láethe mo shaóghail, dféuchuin
air scéimh an Tighearna, agus bheith
go moch iona theampall.
5 Oir foileochuigh sé mé iona phál-
liún a ló a nuilc: coimhéudfuidh mé go
secréideach a nuáignios a thabernacuil,
ar charruic thóigfios sé súas mé.
6 Agus a nois áirdeochur mo cheann
ós cionn mo námhad sa ccuairt am thim-
chioll: agus iodhborad iona thaberna-
cuil íodhbartha gáirdeachuis, canfad
agus do dhéan salm don Tighearna.
7 Cluin, a Thighearna, a nuair ghoirim
rem ghuth: agus déan trocaire orum,
agus freagair mé.
8 Mar a dubhairt tusa, iarruidhse
mo aghaidh: Haghuidh, a dubhairt mo
chroidhesi riot, iarrfad a Thighearna.
9 Ná foluigh haghuidh uáim; ná [illegible]
ód sherbhiseach a bhfeirg; bá tú mo
chabhair, ná fág mé, agus ná tréig mé,
a Dhé mo shlánuighthe.

10 Oir do threig [illegible] mathair agus mo
[illegible] mé, achd géabhuidh an Ti-
[illegible] a steach me.
11 Múin do shlighe dhamh, a Thi-
[illegible]; agus tréoruidh a ród chomh-
[illegible] mé, do bhrígh mo námhad.
12 Ná tabhair do thoil mo namhad
[illegible]: óir fiadhnuisigh bhréagach, agus
[illegible] [illegible] amach foiréigion, deir-
[illegible] fuas am aghaidh.
13 Do rachfuinn a nanbhfhuinne,
[illegible] ccreidfinn go bhfaicfinn maith
[illegible] Tighearna a ttír na mbéo.
14 Feich air an TTighearna: bí
[illegible], agus neartochuidh sé do chroi-
[illegible] déanfheiteamh air an TTighearna.

P S A L M XXVIII.

[illegible] ar luáigheacht dhaóine urchóideach.

Psalm Dháibhi.

Chugadsa ghairfeas mé, a Thighearna
mo charruig ná bí boghar am
[illegible]; deagla muna bhfreagarthá
[illegible] go [illegible] cosmhuil mé ris a ndroing
[illegible] síos don log.
2 Cluin guth mo athchuinge, a nuáir
[illegible] chugad; a nuáir thóigfead
[illegible] mo lámha chum Horacuil náomhtha.
3 Ná tarruing mé leis na cionnta-
[illegible], ná leis a ndroing oibrighios
[illegible]: noch labhras síothchain ré na
[illegible], a nuáir bhíos urchóid
[illegible] ccroidhe.
4 Tabhair luáigheacht dáibh do réir
[illegible], do réir urchóide a ndith-
[illegible]; tabhair dhóibh do réir oibre a
[illegible], tabhair dhóibh a luáigheacht.
5 Oir ní bhfuil meas aca air oibribh
an Tighearna, nó ar oibriughadh a
[illegible]; brisfe sé síos iad, agus ní chuir-
[illegible] suas iad.
6 Go [illegible] beannuigh an Tighearna, óir
do [illegible] sé guth mo íarratuis.
7 Is é an Tighearna mo neart agus
mo [illegible], do chuir mo chroidhe a
[illegible] ann, & do cobhruigheadh mé; ar a
[illegible] do dhéana mo chroidhe gáir-
[illegible], & molfad é le mo chaintic.
8 Is é an Tighearna a neartsan, agus
is é [illegible] saortha a ungthaigh é.
9 Tárthuidh do dhaoine, agus beann-
[illegible] [illegible]: beathuidh fós íad,
agus [illegible] íad go bráth.

P S A L M XXIX.

[illegible] toirneadh ôr guth Dé uambun, [illegible].

Psalm Dháibhi.

Tugaidh don Tighearna, a chlann
na ccumhachdach, tugaidh don
Tighearna glóir agus neart.
2 Tugaidh don Tighearna an ghlóir
is ceart dá ainm: adhruidh an Tigh-
earna a sgéimh a naomhthachda.
3 Atá guth an Tighearna ós cionn na
[illegible]: toirnigh Día cumhachdach
na glóire, atá an Tighearna ós cionn
na nuisgeadh mór.
4 Atá guth an Tighearna a gcomh-
[illegible], atá guth an Tighearna a mór-
dhacht.
5 Brisigh guth an Tighearna crainn
chéadair, isseadh brisigh an Tighearna
céadair Lebanon.
6 Do bheir sós orra lingeadh amhuil
láogh; Lebanon, agus Sirion amhuil
Unicorn óg.
7 Roinnigh guth an Tighearna lasra-
cha na teineadh.
8 Croithigh guth an Tighearna dío-
thramh Chades.
9 Do bheir guth an Tighearna ar
na heiltibh láoigh do bhreith, agus do
ní na coillte lom: agus iona theam-
pull labhruidh a nuile dhuine a ghlóir.
10 Suighidh an Tighearna ós cionn na
tuile: agus suighidh an Tighearna na
Rígh go bráth.
11 Do bhéara an Tighearna neart dá
phobal: benneochuidh an Tighearna a
phobal lé síothcháin.

P S A L M. XXX.

Do iompoigh Dia brón go gáirdeachus.

Psalm Dháibhi, dán coisrighthe a thighe.

ARdmholfa mé thú, a Thighearna, óir
do thóig tú suas mé, agus ní thug
tú air measccairdibh gáirdeachus do
dhéanamh ós mo chionn.
2 O a Thighearna mo Dhía, do cho-
mhairc mé chugad; & do leighis tú mé.
3 O a Thighearna, do thóig tú manum
súas as ifrionn: do choimhéad tú béo mé,
go nach rachfuinn síos don níamhaidh.
4 Canuidh Psalm don Thighearna, ó
sibhsi a naomha féin, agus tugaidh bui-
dheachus do chuimhne a naomhthachda.
5 Oir iona sheirg ní bhfuil acht moi-
ment, iona shábhar atá beatha: annia
tráthnóna bíodh go mbí gul, tig gáir-
deachus air maidin.
6 Acht a dubhairt misi am shuáimh-
nios, Ní háthrochthar mé choidhche.
7 A Thighearna, maille red ghrás-
uibhse do chuir tú neart ann mo shliabh-
sa: dfoluigh tú haghaidh, agus do bhí
mé buaidheartha.
8 Chugadsa, a Thighearna, do chomh-
airc mé; agus chum an Tighearna do
rinne mé mo ghuidhe.
9 Cred é an tarbha atá an mfuil,
a nuáir rachad síos san níamhaidh?
an molfuidh an luaithreadh thú? an
bhfoillseochuidh sé thfírinne?
10 Cluin, a Thighearna, agus déan tró-
caire orum: ó a Thighearna, cuidigh liom.
11 Diompóigh tú mo dhóbrón a damhsa
dhamh: do chuiris díom mo shaiceadach,
& do choimhcheanglais mé lé lúathghháir.
12 Ionnus go ccanfadh mo ghlóir
moladh dhuitsi, agus gan bheith am
thochd: ó a Thighearna mo Dhía, do
bhéarad buidheachus riot go bráth.

P S A L M XXXI.

Gabhaidh sé dothchus ar thuille fuasclaidh, as an chobhair do frith cheana.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm Dháibhi.

IOnnadsa, a Thighearna, chuirim mo
dhóthchus, ná léig mo náiriughadh
go

go brath : ſaor mé ann thfiréantachd.
2 Cláon do chlúas chugam, ſaor mé
go luath : bí dhamſa ad charruig
neirt, agus mar thigh cumhduigh dom
dhidion.
3 Oir is tú mo charruig, agus mo
dhaingion : air a nadhbharſin ar ſon
thanma tréoruidh mé, agus dírigh mé.
4 Tarruing amach mé as an líon, noch
do ſholuigheadar am choinne : óir is
tú mo neart.
5 Ann do láimhſi chuirim mo ſpio-
rad ; dſúaſguil tú mé, a Thighearna
Día na ſirinne.
6 Fúathighim an luchd choimhéadas
díomháoineas bréagach : acht cuirim mo
dhóthchus annſa Tighearna.
7 Bíad lúathgháireach,& do dhéan gáir-
deachus ann do thrócaire : óir do chon-
nairc tú mo bhuáidhreadh, agus daithin
tú manam a néigion.
8 Agus níor thoirbhir tú mé a láimh
mo námhad : do chuiris mo chosa a
mionad ſhairſing.
9 Déan trócaire orum, a Thighearna,
óir atáim a mbuaidhreadh : atá mo
ſhúil ar na cnáoi lé díbhſheirg, manam
fós, agus mo bholg.
10 Oir do caitheadh mo bheatha lé
doilghios ; agus mo bhliadhna re hoſna-
dhuibh : do laghduigh mo neart tre méa-
igceart, agus atáid mo chnámha ar na
ccnaói :
11 Do bhí mé am ſcannail a meaſc
meaſccarad uile, agus go háirigh dom
chombarſanuibh,agus am eagla dom luchd
aitheantuis ; an lucht do chonnairc a-
muigh mé, do theitheadar uáim.
12 Atáim ar dearmad mar dhuine
mharbh as cuimhne : atáim mar ſhoi-
theach bhriſte.
13 Oir do chúalaidh mé ſcannuil mhó-
ráin, eagla air gach áontaóibh ; an feadh
do bhádar ag déanamh comhairle a
néainſheachd am aghaid h, do thionnſ-
gnadar manum do bhuain aſum.
14 Acht ionnadſa do chuir miſi mo
dhóthchus, a Thighearna ; a dubhrus,
is tú mo Dhía.
15 Atáid maimſeara ad láimhſe, ſaor
mé ó láimh mo námhad, óm luchd ain-
leamhura.
16 Tabhair ar haghaidh lonnrughadh
air do ſheirbhíſeach ; tárthuigh mé ar
ſon do thrócaire.
17 A Thighearna, ná léig mo náiriu-
ghadh, óir do ghoir mé ortſa : náirigh-
thear na ciontuigh, curthar na ttochd a
nifrionn íad.
18 Déantar puſſa na mbréug, balbh,
noch labhrus go géur a naghaidh na bhfi-
réun re húabhar, agus re tarcuiſne.
19 O cred méad do mhaitheaſa, nóch
do thaiſgidh tú don luchd air a mbí hea-
gla : doibrigh tú don luchd chuirios a
ndóthchus ionnad a lathair mhac na
ndaóine !
20 Foileochuidh tú íad a nuáignios ad
ſhiaghnuiſe ó úabhar an duine : fo[illegible]
chuidh tú íad ann do thabernacul [illegible]
reaſan na tteangtha.
21 Go madh beannuigh an Tighe[illegible]
óir do rínne ſé a chinéul ro iong[illegible]
dhamhſa a ccathruigh dhaingin.
22 Oir a dubhrus ann mo dhe[illegible]
Atáim ar mo ghearradh amach [illegible]
dharc : gidheadh do chúala tú [illegible]
ghearáin a nuáir do ghéir mé ch[illegible]
23 Grádhuighidh an Tighearna, [illegible]
ſi a náomha féin uile : coimhe[illegible]
Tighearna an fírinneach ſlán, [illegible]
luidh a luáidheachd ris a nuáibhre[illegible]
24 Bídhidh láidir, agus ne[illegible]
uidh ſé bhur ccroidhe, ſibhſi [illegible]
bhfuil bhur ndóigh ſan Tighearna.

PSALM. XXXII.

An dara Pſalm aithrighe.

Pſalm tegaiſg Dháibhi.

IS ſona an té, agá bhfuil a chion[illegible]
na maitheamh, agus a pheacadh [illegible]
ſholach.
2 Is ſona an té, noch nach [illegible]
Thighearna peacadh na leith, [illegible]
nach bhfuil cealg iona ſpiorad.
3 A nuáir do bhí mé am thochd, [illegible]
ſadar mo chnámha foirſe, do b[illegible]
bhúirfeadha ar feadh an laoi.
4 Oir do bhí do lamh trom orm [illegible]
ló agus doidhche : do hiompóigh[illegible]
ſhlicheachd a ttart ſamhraidh.
5 Dadmhaidh me mo pheacadh [illegible]
ſe, agus níor ſholuigh mé mo [illegible]
a dubhairt mé, Aideomhad maind[illegible]
don Tighearna : agus do mhaith [illegible]
chóid mo pheacaidh.
6 Ar a nadhbharſin do dhéana [illegible]
dhuine díadha urnuigh chugadſ[illegible]
thfaghala : go deimhin a ttuilte [illegible]
móra ní thiocfuid a ngar dhéſan.
7 Is tú mionad foluigh, coimeo[illegible]
mé ó bhuáidhreadh : ré gáirdeach[illegible]
ſaortha tiucfuir fá ccuáirt am thimchioll.
8 Teagoſga mé thú, agus múinfead
thú ſan tſlighe ioná ngcabhair : do bhéar
combairle dhuit ré mo ſhúil do beith ort.
9 Ná bíthí mar a neach, nó mar a
múille, ag nach bhfuil tuicſi : is i[illegible]
ta a bhéul re béulmhach & re ſrian, [illegible]
gla go ttiucfadh ſé a ngar dhuit.
10 Atáid iomad doilghios don pe[illegible]
cach ; acht tiucfa trócaire a ti[illegible]
chíoll an té chuireas a dhóthchus [illegible]
Tighearna.
11 Déanuidh gáirdeachus annſa T[illegible]
ghearna, agus bíthí lúathgháireach,
ſibhſi a ſhíréuna : agus déanuidh [illegible]
ghair, ſibhſi noch atá díreach [illegible]
ccroidhe.

PSALM. XXXIII.

Maitheas, 6 cumhacht, 12 & Freaſdal [illegible] mhuintir féin.

GAirdighidh annſa Tighearna, [illegible]
a ſhíréuna, is cubhaidh [illegible]
don díreach.
2 Molaidh an Tighearna ris [illegible]
ccláirſigh ; re pſaltair, re [illegible]

[illegible] ttéad canaidh salm dhó.
3 Canaidh dhó caintic nuadh, sinnidh
go bíogach maille re fuáim áird.
4 Oir is díreach briathar an Tigh-
earna, agus a oibhreacha uile maille re
firinne.
5 Is ionmhuin leis ceart agus brei-
theamhnus: atá an talamh lán do
mhaitheas an Tighearna.
6 Re breithir an Tighearna do rin-
neadh na flaitheamhnuis, agus le spior-
ad a bhéil a shluagh uile.
7 Cruinnighidh sé uisgeadha na mara
mar chárnn: agus cuiridh suas an
[illegible] a ttighthibh ionnmhuis.
8 Biodh eagla an Tighearna air an
[illegible] uile: biodh úamhan ar uile
áitreabhacha an domhuin.
9 Oir do labhair sé, agus do rin-
neadh amhluidh; do aithin sé, agus do
[illegible]headh iad.
10 Do ní an Tighearna comhairle
na ccinneadhach díomhaoin: do ní
[illegible]tighe na ndaóine nemhéifeachtach.
11 Seasuidh comhairle an Tighearna
go brath, smaintighthe a chroidhe go
[illegible] na saoghal.
12 Beannuigh an cineadh agá bhfuil
an Tighearna na Dhía aca, na daóine
do thogh sé mar oighreachd dó féin.
13 Féachuidh an Tighearna ó neamh,
do chí sé mic na ndáoine uile.
14 Dearcaidh sé ón a ionad comhnuigh,
air áitreabhaibh na talmhan uile.
15 Eision cumadóir a ccroidhtheadh
a [illegible]eachd, tuige sé a noibreach uile.
16 Ní bhfuil Righ air bith cumhdui-
ghthear re iomad slóigh; ní saorthar an
duine tréan ré méad a neirt.
17 Is ní díomhaóin each mar dhí-
dean: ní shaorsa sé aonduine re méad a
neart.
18 Féach, atá súil an Tighearna ar
an luchd air a bhfuil a eagla; air an
luchd chuirios a ndóigh iona thrócaire:
19 Do shaoradh a nánma ó bhás, a-
gus dá ccongmháil béo a ngorta.
20 Atá ar nanam ag feitheamh air
an Tighearna: is eision ar ccabhair,
agus ar sciath.
21 Oir is annsan do dhéanas ar
ccroidhe gáirdeachus; do bhrígh gur
chuireamar ar ndóigh ann a ainm ná-
omhthasa.
22 Biodh do thrócaire oruinn a Thigh-
earna, do réir mar atá ár ndóigh ionnad.

PSALM XXXIV.

Cuireadh do dhaóinibh ceart, chum Dia do ghlórughadh,

Psalm Dháibhi, a nuáir dáthruigh sé a
inneall a lathair Abimelech, noch do
thiomáin úadh é, & do dhealuidh sé ris.

Beannóchuidh mé an Tighearna
gach uile uáir: biáidh a mholadh ann
mo bhéal a ccomhnuigh.
2 Annsa Tighearna do dhéana ma-
nanam glóir; cluinfe an tumhal é, agus
biáidh lúathgháireach.
3 Móruidhe an Tighearna leamsa, a-
gus árduighemid a ainm a néinfheachd.
4 Díarr mé an Tighearna, agus do
chualuidh sé mé, agus do sháor me óm
eagla uile.
5 Dféuchadar chuige, agus do shoill-
siughadh iad, agus ní raibh náire ar a
naighthibh.
6 Do gháir an duine bochtso, agus
do chúaluidh an Tighearna é, agus do
sháor é ó na uile bhuaidhreadh.
7 Do ní aingeal an Tighearna campa
go cruinn a ttimchioll na druinge air
a mbí a eagla, agus saoruidh sé iad.
8 Blaisidh, agus féuchuidh gur maith
an Tighearna, is beannuigh an duine
agá mbí a dhóigh ann.
9 Bíodh eagla an Tighearna oruibh,
sibhsi a naomha féin: óir ní bhfuil ui-
reasbhuidh air an luchd air a bhfuil a
eagla.
10 Bith uireasbhuidh air na leomh-
nuibh óga, agus fuilingid ocrus: acht
ní bhiáidh uireasbhuidh éanmhaitheasa
ar an luchd iarrus an Tighearna.
11 Tigidh a chlann, éistigh riomsa,
teagaisgfead eagla an Tighearna dhibh.
12 Cia hé an duine ler mian beatha,
ler bionmhúin [iomad] láetheadh, dfa-
icsin maitheasa?
13 Coimhéad do theanga ó urchóid,
agus do bhéul ó labhradh ceilge.
14 Dealuidh ris a nolc, agus déan
maith, íarr siothcháin, agus lean í.
15 Atáid súile an Tighearna chum na
bhfiréin, & a chlúasa chum a ccomhart.
16 Atá aghaidh an Tighearna a na-
ghaidh na druinge do ní olc, chum a
ccuimhne do ghearradh ón talamh.
17 Gáirid [na fíréin] agus do chluin
an Tighearna, agus saoruidh iad ó na
nuile anacra.
18 As fogus an Tighearna don
druing agá bhfuil a ccroidhe briste:
agus saorfuidh na comhmbrúighte a spi-
oraid.
19 Is iomdha crádh air an bhfíréun,
gidheadh saorfuidh an Tighearna úatha
uile é.
20 Cumhduigh sé a chnámha uile, ní
bristear áon díobh.
21 Acht muirfidh an tolc an cionn-
tach, agus sgriosfuighear an luchd agá
bhfuil fúath air an bhfíréun.
22 Fúasgluidh an Tighearna anam
a sheirbhíseach, agus ní scriosfuighthear
an mhéid chuirfios a ndóigh ann.

PSALM XXXV.

Psalm ag iarraidh congnamh a naghaidh na námhad.

Psalm Dháibhi.

Tagair, a Thighearna ris an muin-
tir cheannairgios riom; cathaigh
ris an muintir chathuighios am aghaidh.
2 Gabh greim do sceith agus do bhui-
cléir, agus seas suas dom chumhdach.
3 Agus tarruing amach an gath, agus
stop an tslighe a naghaidh na muin-

ċire bhuidhrios mé: ráidh rem anam,
Is misi do shlánughadh.
4 Claóidhtear agus náirighthear an
lucht iarrus manum; iompóighthear air
a nais, agus claoithear an luchd noch
smuaineas urchóid damh.
5 Bidís mar lóchán ós coinne na
gaoithe, agus aingeal an Tighearna gha
rúagadh.
6 Biodh a slighe na dhorchadus, agus
ro shleamhuin, agus aingeal an Tigh-
earna da ngérleanmhuin.
7 Oir is gan adhbhar do sholuigheadar
a lion am choinnesi a log, noch
do thochladar gan adhbhar a ccoinne
manma.
8 Tigeadh milleadh airsion nach raibh
a fhios aige, a lion noch dfoluigh sé,
gabhadh é féin: agus tuiteadh sé annsa
milleadh sin féin.
9 Agus biaidh manamsa lúathgháireach
annsa Tighearna: do dhéanuidh
sé gáirdeachus iona shlánughadh.
10 Déaruid mo chnámha uile, ó a Thighearna,
cia is cosmhuil leachdsa, noch
shaorus an bochd ó nduine atá ainneartmhar
na aghaidh, agus an bocht agus an
teasbhuidheach ón té mhillios é?
11 Déirigh fiaghnuise éagcórach súas;
dfiafruigheadar dhíom an tí nár bhfeas
damh.
12 Thugadar dhamh luáigheachd uile a
naghaidh maitheasa, chum manma do
mhilleadh.
13 Acht misi a nuair do bhádar
easlán, bá saicéadach mo chulaidh:
dumhluighios manum re troscadh, agus
dfill mo ghuidhe am ucht féin.
14 Diomchras mé féin amhluidh is
gur bhé mo charuid nó mo dhearbhrathair
é: dumhluighios a nduibhéadach, mar
an té do ní doilghios ar son a mhathar.
15 Acht ann mo ríachdanas do rinneadarsan
gáirdeachus, agus do chruinnigheadar
íad féin a naonait: na ciothruimigh
fós do thionoladar a cceann a chéile
am aghaidh; & ní raibh a fhios agamsa;
do réubadar, agus níor sguireadar.
16 Re clúanairibh magaidh ar chóisreachuibh,
ag gíosgán ré na bhfiacluibh
am aghaidhsi.
17 A Thighearna, cá fad bhías tú dhá
fhaicsin so? saor manam ó na mbuáidhreadh,
mo mhuirnín ó na leomhanuibh.
18 Do bhéarad buidheachus duitsi
annsa ccomhdháil mhór: a measc mhóráin
daóine molfa mé thú.
19 Ná léig dóm naimhdibh gáirdeachus
do dhéanamh ós mo chionn go
héagcórach: ná léig do luchd mfuaithighthe
gan adhbhar a súil do chláonadh.
20 Oir ní labhraid síothcháin: agus
tionnsgnuid bríathra cealgacha a naghaidh
dhaoine socra na talmhan.
21 Agus dfoscladar a mbéul go fairsing
am aghaidh; a dubhradar, Aha,
aha, do chid ar súile é.

22 Do chonnairc tú so, a Thighearna:
ná bí ad thochd: a Thighearna, ná bí
a bhfad uáim.
23 Corruigh súas thú féin, agus músgail
chum mo bhreitheamhnuis, chum mo
chúise, mo Thighearna, agus mo Dhía.
24 Beir breitheamhnus orum do réir
thfíréuntachda, ó a Thighearna mo
Dhía, agus ná gáirdighid ós mo chionn.
25 Ná habraid siad iona ccroidhe,
Aha, ar nanam: ná habraid, Do shluigeamar
súas é.
26 Náirighthear, agus claóidhtear a
néinfheachd an drong do ní gáirdeachus
ann molc: éaduighthear iad lé hadnáireadh
argadh, noch mhóruighios iad féin am
aghaidh.
27 Gáiredís lé lúathgáire, agus bídís
gáirdeach, gach a bhfuil fabharthach dom
fhíréuntachd: agus abraidís do ghnáth,
Bíodh an Tighearna móruighthe, ag a
bhfuil dúil a síothchain a sheirbhísigh.
28 Agus foillseochaigh mo theanga thfíréuntachd,
& do mholadh ar feadh an laé.

P S A L M. XXXVI.

An duine, ge trúagh ann féin, atá sé beannuighthe a nDia.

Don prímhfhear ceóil, Psalm Dháibhi,
seirbhíseach Dé.

A Deir droichghníomh an chiontaigh
a stigh ann mo chroidhe, nach bhfuil
eagla Dé ós coinne a shúl.
2 Oir do ní spleadhachus ris féin
iona radharc, nó go naithnighthear go
bhfuil a pheacaidh fúathmhar.
3 Is mícheart, agus meallóireachd
bríathra a bhéil: do léig dhe bheith
glic, agus maith do déanamh.
4 Smuáinighidh sé díomhaoines air a
leabuidh, suighidh sé féin ar shlighe nach
maith, ní dhiultann an tolc.
5 A Thighearna, is annsna flaitheasuibh
atá do thrócaire: agus thfírinne
go nuige na néulla is áirde.
6 Is cosmhuil thfíréantachd re sléibhtibh
ro arda, do bhreitheamhnus is cosmhuil
ris an ndubhaigéan: ó a Thighearna,
cumhduigh tú an duine, & an tainmhidhe.
7 Cred é oirdhearcus do thrócaire, a
Dhé: air a nadhbhar sin cuirfid mic na
ndáoine a ndóigh a scáile do sciathán.
8 Béid ar na sásughadh go ro mhór
lé méathus do thighe: agus do bhéara
tú orra ól daibhne haóibhnis.
9 Oir is agadsa atá tobar na beatha;
ann do sholusa do chídhfiom solus.
10 Faduigh do thrócaire don luchd dar
rab éolach thú: agus thfíréuntachd don
díreach a ccroidhe.
11 Ná tigeadh cos a núabhair orum, &
ná corruigheadh lámh an chiontaigh mé.
12 Annsin do thuiteadar luchd oibrighthe
na hurchóide: do teilgiodh sís
iad, agus ní budh éidir léo éirghe.

P S A L M. XXXVII.

Foillsiughadh ar shoirbheas dhiomhaoin nemhchdhaóine, & ar fheabhas staid na bfíréan.

Psalm Dháibhi.

Na

NA feargaidh thú féin fá luchd déanta
a uile, ná bí aingidhe a naghaidh
luchda oibrighthe a neigceirt.
2 Oir mar an bhféur gearrfuighear
[illegible] go hobann íad, agus crionfuid mar
an luibh ghlais.
3 Cuir do dhóigh annsa Tighearna,
[illegible] déan maith, áitreibh annsa dúith-
[illegible], agus beathóchar thú go deimhin.
4 Agus bíodh do dhúil annsa Tigh-
earna, agus do bhéura sé dhuit íarratas
do chroidhe.
5 Taobh do shlighe ris an TTighearna,
[illegible] cuir do dhóigh ann, & do dhéana sé é.
6 Agus do bhéaruidh sé amach thfír-
eantachd mar an solus, agus do bhre-
itheamhnus mar sholus an mheadhon-laói.
7 Bí ad thocht don Tighearna, agus
dén feithiomh foighideach air: ná
feargaidh thú féin ris an té bhios sona
ann shlighe, ris an tí noch chriochnui-
ghios a dhroch smuáintigh.
8 Scuir ó fheirg, agus léig dhíot
[illegible]: ná feargaidh thú féin air
[illegible] chum uilc do dhéanamh.
9 Oir gearrfuighthear amach luchd
déanta na héagcóra: agus luchd feithmhe
air an TTighearna gheabhuid oigh-
reachd a nfearuinn.
10 Agus fós beagán, agus ní bhiáidh
an cionntach ann: measfa tú go dúth-
rachdach a ionad, & ní bhfuil sé ann.
11 Acht géubhuid na ceansuighthe
oighreachd a nfearuinn, agus biáidh a
ndúil a niomad na siothchána.
12 Do ní an tanduine tionsgnamh a
naghaidh a nionnruic, agus do ní
dósgán na aghaidh ré na fhíaclaibh.
13 Do dhéana an Tighearna gáire
uime, óir do chí go ttiucfaidh a lá.
14 Do thairngeadar na drochdhaóine
an cloidheamh, agus do réighiodar a
mbogha, do theilgean na mbuaidheartha
agus an mbochd síos, agus do mharbhadh
na ndíreach san tslighe.
15 Rachuidh a ccloidheamh a steach
ann a ccroidhe féin, agus brisfighthear a
mbogha.
16 Is féarr an beagan atá ag an
bhfíréan, ná saidhbhrios mhóráin do
dhrochdhaóinibh.
17 Oir brisfighthear rightheach na
ndrochdhaóine, acht congmhaidh an
Tighearna an fíréun súas.
18 As aithne don Tighearna láethe
na ndíreach, agus biáidh a noighreachd
go siorruidhe.
19 Ní bhiáidh náire orra a naimsir a
nuilc, & béid sásuigh a laéthibh na gorta.
20 Acht meithsid na cionntuigh, agus
béid naimhde an Tighearna mar mhéu-
thus na lubhán, cnaóifighthear íad:
béid cnaóite a ndeatuigh.
21 Gabhaidh an drochduine áirlea-
gadh, agus ní dhíolann a rís, acht
taisbeanuidh an fíréun trócaire, agus
do bheir ní úadh.
22 Oir an mhéid atá ar na mbean-
nughadh uadhsan, géabhuid oighreachd
na talmhan: agus an luchd do mhal-
luigh sé, gearrfar amach íad.
23 Is ón TTighearna orduighthear
coiscéime an duine, an tan bhías dúil
aige iona shlighe.
24 Bíodh go ttuitfeadh, ní teilgfi-
ghthear síos é, óir congmaidh an Tigh-
earna a lámh súas.
25 Do bhí mé óg, agus a nois atáim
áosta: acht ní fhaca mé an fíréun ar
na thréigion, agus a shliocht ag íarruidh
déirce aráin.
26 Atá sé trócaireach, agus áirleag-
thach ar feadh an laói, agus atá a
shliochd beannuigh.
27 Dealuigh ó olc, agus déan ma-
ith; agus áitreibh go bráth.
28 Oir is ionmhuin leis an TTighearna
breitheamhnus, agus ní thréigionn a
naóimh, agus atáid daingion go bráth:
achd gearrfar sliochd an drochdhuine
ar fad.
29 Géabhaid na daoine síréunta
oighreachd a nfearuinn, agus áitreo-
bhuid ann go siorruidhe:
30 Laibheoruidh béul a nfiréin eag-
na, agus laibheoruidh a theanga breith-
eamhnus.
31 Atá dligheadh a Dhé iona chroi-
dhe, ní sciorrfuidh áon dá choiscéimibh.
32 Bí an drochdhuine ag faire ar
an bhfíréun, agus íarruidh a chur chum
báis.
33 Ní fhúigfidh an Tighearna iona
láimh é, agus ní dhaimnéochuidh é, an
tan do dhéantar breitheamhnus air.
34 Feith air an TTighearna, agus
connaimh a shlighe, agus áirdeochuidh
sé thú chum oighreachda na dúithche: a
nuáir bhéid na drochdhaoine air na scri-
os, do chífe tú sin.
35 Do chonnairc mé an drochdhuine
neartmhar, agus agá leathnughadh féin
amhuil crann glas fhásas úadh féin:
36 Agus do ghabhus thort, agus
féuch ní raibh sé ann: agus díarr mé
é, agus níor frith é.
37 Comharthuigh an fíréun, féuch
air an ndíreach: óir is siothcháin crí-
och a nfir sin.
38 Acht scriosfuighthear luchd an
tsáruighthe á néinfheachd, agus gearrfar
amach deireadh an drochdhuine.
39 Agus is ón Tighearna atá slánu-
ghadh a nfiréin, sé a neart é a naimsir
a néigiontuis.
40 Agus do bhéaruidh an Tighear-
na cabhair dhoibh, agus sáorfuidh íad:
saoruidh se íad ó na drochdhaóinibh,
agus coimhdeochuidh íad do bhrígh go
bhfuil a ndóigh ann.

PSALM. XXXVIII.

An treas Psalm aithrighe.

Psalm Dháibhi do chur a ccoimhne.

A Thighearna, ná himdhearg mé ann
thfeirg, agus ná smachduigh mé ann
do dhíomdha té.

2 Oír atáid do shoighde na seasamh
go daingion ionnum, agus atá do lámh
dom bhrughadh go doirbh.
3 Ní bhfuil sláinte ar bith ann
mfeóil do bhrígh thfeirgesi: ní bhfuil
síothcháin am chnámhuibh do bhrígh mo
pheacaidh.
4 Oír do chúadar mo chionta ós mo
cheann: mar úalach trom atáid ro
throm agam.
5 Atáid mo chréachda morcuidhthe,
agus atáid bréun: do bhrígh mo leimhe.
6 Atáim crotach, atáim ag cláonadh
sios go hiomarcach, siubhluim a ndoilghi-
os ar feadh an laoi uile.
7 Oír atáid mo shliasta dá losgadh,
agus ní bhfuil folláine ar bith ann
mfeóil.
8 Atáim anbhfann, & ar mo bhualadh
go neimhneach: do nuáill mé ar son
mhíoshuaimhnis mo chroidhe.
9 A Thighearna, is ós do choinne atá
mo mhian uile, agus níor folchadh mos-
nadhach ortsa.
10 Atá mo chroidhe luáimhneach,
tréigidh mo neart mé, agus ní bhfuil solus
féin mo shúl agam.
11 Seasaid maos grádha, agus mo
cháirde gan bheith a lathair mo bhuil-
leadh, agus seasaid mo ghaol a bhfad
uáim.
12 Agus an luchd atá ag tóruigheachd
ar manam, cuirid painteír romham:
agus an drong íarrus molc labhraid
urchóid, agus smuainid cealga ar feadh
an laoi.
13 Acht misi amhuil duine boghar ní
chluinim, agus mar dhuine bhalbh nach
bhfosclann a bhéul.
14 Mar so do bhi mé mar dhuine
nach ccluinionn, agus ag nach bhfuil ach-
mhusan iona bhéul.
15 Oír ionnadsa, a Thighearna, cuirim
mo dhóthchus: do bhéarair freagrá, ó a
Thighearna mo Dhía.
16 Oír a dubhrus, deagla go ndéin-
dis gáirdeáchus orum: a nuair chorruigh-
cheas mo chos, móruighid íad féin am
aghaidh.
17 Oír atáim ollamh chum bheith ba-
cach, agus atá mo dhoilghios air ma-
ghaidh do ghnáth.
18 Oír foillseochaidh mé mo chion-
ta, agus bíad dhoilghiosach air son mo
pheacaidh.
19 Acht atáid mo náimhde béodha,
atáid neartmhar: agus atáid ar na ní-
omadughadh, noch fhúathuighios mé go
bréugach.
20 Agus an drong thoirbhearus olc ar
son maitheasa, atáid na naimhdibh a-
gam, do bhrígh go leanuim an mhaith.
21 Ná tréig mé, a Thighearna mo
Dhia, na bi a bhfad uáim.
22 Déana deithfir chum mfurtachda, ó
a Thighearna mo shlanughadh.

PSALM. XXXIX.

Aire Dhaibhi ar a chaint.

Don phrímhfhear ceóil, do Iedithun,
Psalm Dhaibhi.

A Dubhairt mé, Do bhéara mé ...
dom shlighthibh, go nach déan...
peacadh lem theangaidh: coimeod...
srian rem bhéul an feadh bhías an ...
tach ós mo choinne.
2 Do bhí mé balbh ré a bheith ...
thocht, do bhí mé am thocht ó ...
agus do corruigheadh mo dhoilgh...
3 Do bhí mo chroidhe te ionnam ...
stigh, ann mo smuáineadh do las ...
teine: annsin do labhrus rem theang...
[ag rádh.]
4 A Thighearna, foillsigh dhamh
mo chríoch dheighionach, & tabhair a
fhios damh caidhe fad mo láethe: ...
madh fios damh cá fad mhairfios mé.
5 Féuch, do rinne tú mo láethe do
leithead baise, agus atá ...
neimhní ad lathairsi: go deimhin is dío-
mhaóineas go léir a nuile dhuine, ...
fheabhus da mbí a staid.
6 Go deimhin is mar íomháigh ...
las a nuile dhuine, go deimhin is a
ndíomhaóineas do níd corrughadh;
cruinnidh duine maóin, agus ní fheadair
sé cía chaithfios íad.
7 Agus a nois créd ar a bhfuilim ag
feithiomh, a Thighearna? atá mo dhóth-
chus ionnatsa.
8 Om uile aindligheadh sáor mé, ná
déan scannail a namadáin díom.
9 Do bhí me balbh, níor fhoscail mé
mó bhéul, do bhrígh go ndéarna tusa é.
10 Athruigh uáimse do bhuille, do
mheath mé tre bhuille do láimhe.
11 An tan cheasnuighios tú duine re
hachmhusanuibh air son éigceirt, do bhe-
arair air a sgeimhe cnáoi mar léaman;
is díomhaóineas go léir a nuile dhuine.
12 Cluin murnuigh, a Thighearna, a-
gus tabhair éisteachd dom chomhairc, ná
bí boghar rem ghul: óir is coigcríghe
mé agadsa, am choimhightheach mar
maithreacha uile.
13 Coisg dhíom, agus léig dhamh mo
neart dathnúaghadh, suil imthéachad
agus nach bíad ann ní sa mó.

PSALM XL.

*Fáigheadoireachd ar fhireantacht Chriosd, do
fhóruigheas ceartas an tseinreachd.*

Don phrímhfhear ceóil, Psalm Dhaibhi.

DO fheith mé go foighideach ris an
TTighearna, & do chlaon sé chu-
gam, agus do chúaluidh mo chomhairc.
2 Thug sé súas mé mar an gcéadna as
an bpoll úathbhásach, as criáidh lathaidh,
agus do chuir mo chosa ar charruic, agus
do dhaingnidh mo choisceime.
3 Agus do chuir sé caintic núadh ann
mo bhéul, moladh dár Ndia: do chífid
mórán é, agus biáidh eagla orra, agus
cuirfid a ndóigh annsa Tighearna.
4 Is sona an duine chuireas a dhóth-
chus ansa Tighearna, agus nár fhéach
do

[illegible], nó don luchd chláonas
[illegible] bréug.
5 O, a Thighearna ar Ndía, do rin-
[illegible] iomad dot oibreachaibh iongantа-
[illegible], agus dot ſmuaintighibh dhúinne : ní
[illegible] do neach a ccunntas duitſi a nór-
[illegible] : dá bhfoillſeochuinn íad agus a
[illegible], is mó íad ná is féidir áireamh.
6 Níor íarr tú íodhbhairt nó of-
[illegible], dfoſcail tú mo chluaſa : ofráil
[illegible], nó ofráil pheacaidh níor íarr tú.
7 Annſin a dubhairt miſi, féuch, a-
[illegible] ag teacht : a cceann an leabhair atá
[illegible] orumſa.
8 Is áoibhin leam do thoil do dhéa-
[illegible], a Dhé ; agus atá do dhligheadh
a meadhón minneadh.
9 Do fhoiſgéil mé thfiréuntacht annſa
[illegible]thionól mhór : féuch, níor con-
[illegible] mé mo bhéul, is aithne dhuit,
a Thighearna.
10 Níor fholuigh mé thfiréuntachd a
meadhon mo chroidhe, dfoillſigh mé
thfírinne agus do ſhlánughadh : níor
cheilios do chineal grádhach, agus thfí-
rinne ón ccoimhthionól mór.
11 Ná connuimhſi uáim, a Thighearna, do
thrócaire chineulta, coimhéadadh hoin-
each grádhach, & thfírinne do ghnáth mé.
12 Oir do timchiolladar uilc dhó-
áirmhe fa ccuairt mé, do ghabhadar na
peacaidh greim dhíom, agus ní fhéa-
daim fhéuchuin ſúas : atáid ní is líon-
mhaire ná grúag mo chinn, agus do
thréig mo chroidhe mé.
13 Toiligh, a Thighearna, mo ſhá-
radh : a Thighearna, déan deithneios
dom chabhair.
14 Náirighthear, agus claóidhtear íad
a néintheachd, noch íarrus manam do
mhilleadh : filltior ar a nais, agus náirigh-
thear an dream noch órduighios olc
dhamh.
15 Díothlaithrighthear íad mar luaigh-
eachd a náire, noch a deir riom, Aha, aha.
16 Déanaidis gáirdeachus, agus bí-
dis lúathgháireach ionnadſa, gach áon dá
níarrann tuſa : abraidis a ccomhnuighe
gach a ngrádhuighionn do ſhlánughadh,
Go méadighthear an Tighearna.
17 Bíodh go bhfuilim bochd agus
easbhuidheach, ſmuáinfidh an Tighearna
orum : is tú mſear cobhartha, agus ſa-
ortha ; ó Dhía, ná déan failllighe.

PSALM XLI.

Gur Socharach Dia don fhear bheir aire don bhochd, agus gur díon è ón charaid chealgach.

Don phrímhfhear ceóil, Pſalm Dháibhi.
IS beannuigh an té do bheir aire don
bhochd, ſáorfuidh an Tighearna é a
ló a nuilc :
2 Cuimhdeochuidh an Tighearna é,
agus coimhéadſa béo é, biáidh ſé bean-
nuigh air an ttalamh ; agus ná tábh-
airſi é do thoil a námhad.
3 Do dhéana an Tighearna a chothu-
ghadh air leabuidh a dhoilghis : iompo-
cha tú a leabuidh uile iona thínneas.
4 A dubhairt mé, a Thighearna, déana
trócaire orum : ſlánuigh manam, óir
do pheacaidh mé ad aghaidh.
5 Labhruid mo naimhde go holc
orum : cá huáir éugfas ſé, agus mheith-
feas a ainm ?
6 Agus má thig dom fhéuchuin, labh-
ruidh ſé díomhaóineas : cruinnighe a
chróidhe urchóid dhó féin, rachaidh a-
mach annſa tſráid, & laibheoruidh é.
7 Tiaghaid a ccogar ré chéile am
aghaidh an mhéid fhúathuighios mé :
ſmuáinid olc am aghaidh [ghá rádh.]
8 Atá droch eaſláinte ceangailte go
daingion de : agus a nois ó atá na
luidhe, ní éireochuidh ní fa mhó na
fheaſamh.
9 Fear mo ſhíothchána fós iona raibh
mo dhóigh, noch a duáigh marán, do
thog ſé ſúas a ſhál am aghaidh.
10 Acht tuſa, a Thighearna, déan
trócaire orum, agus tóg ſúas mé, agus
do bhéur luáigheachd dóibh.
11 Air ſo aithnighim go bhfuil dúil
agadſa ionnam, do bhrígh nach déanuid
mo naimhde caithréim ós mo chionn.
12 Acht ar mo ſhonſa, congmha tú
ſúas mé ann mo iomláine, agus cuirfir
mé ós coinne haighthe go bráth.
13 Go madh beannuigh bhías an
Tighearna Día Iſrael, ó ſhíorruidheachd,
agus go ſíorruidhe. Amen, Amen.

PSALM XLII.

Teaſgrbhàdh Dháibhi a nſeirbhis Dé.

Don phrímhfhear ceóil, Pſalm teagaiſg
chum cloinne Córah.
MAr dhúilighios a neilit ſrotha na
nuiſgeadh, is marſin dhúilighios
manam ionnadſa a Dhé.
2 Atá tart air manam chum Dé,
chum an Dé mharthannuigh : ca huáir
thiucfad, agus thaisbeanſad mé féin ós
coinne aighthe Dé !
3 Dob iad mo dhéara mo bhíadh do
ló agus doidhche, an feadh a deirthear
riom go láetheamhuil, Cáit a bhfuil
do Dhía ?
4 Cuimhnighim na neitheſi, agus
dóirtim orum amach manam ; óir dó
chuáidh mé ris an ccoimhthionól, do
chuáidh mé léo go tigh Dé ; lé guth
lúathgháire agus molta, le hiomad ag
congmhail láoi féile.
5 Cred ſa tteilgthear ſíos thú, ó ma-
nam, agus cread ſa bhfuil tú buáidhear-
tha ionnam ? cuir do dhóigh a Ndía, óir
molfad é fós ar ſon ſláinte a aighthe.
6 O mo Dhía, atá manam ar na
theilgion ſíos ionnam ; da bhríghſin cuimh-
nighim ortſa ó thalamh Jordan, agus
Hermonim, agus ón ccnoc bheag.
7 Goiridh an dubhaigéan chum an dubh-
aigéin re guth do dhuiſioll uiſgeadh : do
chúadar do thonna, & do thuile thoram.
8 Annſa ló aitheanas Día dhá thró-
caire, agus annſa noidhche a chaintic
agamſa, urnaigh chum Dé manma.

9 Déara mé ré Día mo charraic, Cred
as ar dhearmuid tú mé ? cred ſa nim-
thighim go doilghioſach ó ſhárughadh
mo námhad ?
10 Lé cloidheamh ann mo chnámhuibh
ſcannlúighid meaſccáirde mé; an feadh
a deirid ríom go láetheamhuil, Cáit a
bhfuil do Dhía ?
11 Cred fa tteilgeann tù thú féin
ſios, ó manam, agus cred fá bhfuil tú
buáidheartha ionnam ? cuir do dhóigh
a Ndía, óir molſa mé fós é, ſlainte
maighthe, agus mo Dhía.

PSALM. XLIII.

Guidhe Dhaibhi ar a phfilleadh go Teampull Dé.

DEana breitheamhnus orum, a Thi-
ghearna, agus tagair mó chúis, ſáor
me ón ccineadh neamhthrócaireach, ó
fhear na mealltóireachda, & na hurchóide.
2 Oir is tú Día mo neirt, créd
fá ccuireann tú dhíot mé ? cred ſa nim-
thighim go doilghioſach ar ſon ſáruighthe
mo námhad ?
3 Cuir [chugam] do ſholus, agus
thfírinne, tréoruighdis mé: tugaidís mé
chum do chnuic náomhtha, agus chum
hionaid comhnuighe.
4 Agus annſin racha mé go haltóir De,
go nuige Día luathgháir mo gháirdea-
chuis; agus molfad thú ar an ccláirſigh,
ó a Dhé, mo Dhía.
5 Cred fa tteilgionn tú thú féin
ſios, ó manam, agus cred fa bhfuil tú
buáidheartha ionnam ? cuir do dhóigh
a Ndía, óir molfad é fós, ſláinte mha-
ighthe, agus mo Dhía.

PSALM. XLIV.

Nach ionann ſúaimhneas na Heaglaiſe ann gach ean aimſir.

Don phrimhſhear ceóil, Pſalm teagaiſc
do chloinn Chórah.

ADhé, do chualamar ré ar gclúa-
ſaibh, agus dfoillſigheadar ar naithre
dhúinn a nobair doibrigh tú iona naimſir,
ſan tſeanaimſir:
2 Gur dhíbris amach léd láimh na
cineadhacha, agus gur ſhuighidh tú iad-
ſan: do rinnis olc do na daoinibh, a-
gus do theilgis amach iad.
3 Oir ní re na gcloidheamh do gha-
bhadar oighreachd a nfearuinn, agus ní
hí a lámh féin do ſháor iad: acht do
lámh dheaſſa, agus do righ, agus ſolus
haighthe, do bhrígh go raibh tú fabhar-
thach dhóibh.
4 Tuſa mo Rígh, a Dhé, aithin ſáo-
rughadh do Jácob.
5 Ionnadſa bhuailſiom ar naimhde,
ann hainmſe ſhaitteoram ſios an drong
noch éirghios ar naghaidh.
6 Oir ní chuirfead mo dhóigh ann
mo bhogha, agus ní ſáorfa mo chloi-
dheamh mé.
7 Acht do thárthuigh tuſa ſinn ó
ar naimhdibh, agus do náirighis lucht
ar ngortuighthe.
8 Do nimid gloir a Ndía ar feadh an
laói, agus molfam hainm choidhche.
9 Acht do thréig tú, agus do náirigh
tú ſinn, agus ní racha tú amach ré ar
ſlúaghaibh.
10 Do bheir tú oruinn iompódh do
namhaid; agus an luchd fhúathuighios
ſinn do nid éadáil dóibh féin.
11 Do bheir tú ſinn amhail cao-
eallach mar bhiadh, agus ſpréighe tú ſinn
a measc na ngeinteadh.
12 Reaca tú do dhaóine air neimhní,
agus ní mhéaduigheann tú a lúach.
13 Do ní tú ſcannail dar ccomhar-
ſanuibh dhínn, tarcuiſne & magadh don
luchd atá fá ccuáirt ar ttimchioll.
14 Do ní tú ſeanfhocal dínn a measc
na ngeinteadh: crothadh cinn a measc
na bpoibleach.
15 Atá mo náire ós mo choinne ar
feadh an laói, agus dfoluigh náire ma-
ighthe mé:
16 O ghuth an cháintéora, agus an
ſcannluighthéora; ó aghaidh na námhad
agus an dioghaltaigh.
17 Tháinig ſo uile oruinn; gi-
dheadh níor dhearmadamar thuſa, agus
ní dhearnamar míochoinghioll a nagh-
aidh do chonnartha.
18 Níor iompoigh ar gcroidhe air a
ais, agus níor chlaon ar ccoiſcéimne ód
ſhlighe.
19 Máta gur bhrúigh tú ſinn a nio-
nad na ndragún, agus gur fholuigh tú
ſinn le ſcáile an bháis.
20 Má dhearmadamar ainm ar Ndé,
agus gur leathnuigheamar ó chéile ar
lámha chum Dé choimhthighe:
21 Nach ſpionfaidh Día ſo amach ?
óir is aithne dhó neithe foluightheacha
an chroidhe.
22 Aleadh, ar do ſhonſa marbhthar
ſinn go láetheamhuil, meaſtar ſinn, mar
chaorchuibh chum a náir.
23 Múſcail, créd fa ccodlann tú, a
Thighearna, ná tréig ſinn go bráth.
24 Cred ſa gceilionn tú do ghnúis ? a
ndeana tú dearmad dar mbuáidhreadh,
agus dar ſarughadh ?
25 Oir do cláonadh ar nanam ſíos
chum an luaithrigh; ceangluidh ar mbolg
don talamh.
26 Eirigh ad chabhair dhuinne, agus
ſúalgail ſinn ar ſon do thrócaire.

PSALM. XLV.

Caintic chhoimhcheangail Chrioſd ré na bhaincheile fein, 1. an Eaglais.

Don phrimhſhear ceóil ar Shoſannim, do
mhacaibh Córah, caintic grádha.

SCeithigh mo chroidhe amach cúis
mhaith: labhruim mobair don Rígh:
mo theanga mar pheann ſcribhnéora
ro dheithnioſaidh.
2 Is bréaghdha thú ná clann na ndáo-
ine: atáid gráſa ar ndórtadh ann do bhéul:
uime ſin do bheannuigh Día thú go
bráth.

3 Dealuigh do chloidheamh ar do shliasaid, ó a chumhachduigh: red ghlóir, agus red dhaitheamhlachd.

4 Agus beir biseach ann do bhréaghdhachd, déan marcuigheachd air hanaidh do bhrigh bhreithe na firinne, & ... & an cheirt: & múinfidh do lámh dheas neithe úathbhásach dhuit.

5 Is géur do shoighde, tuitfid na daoine fúd, a ccroidhthe naimhde an Righ.

6 Atá do chathaoir ríogha, a Dhé, go saoghal na saoghal: colbha fíreuntachda iseadh is colbha dot rioghachd.

7 Do ghrádhuigh tú fíreuntachd agus dfúathaigh tú éaigceart: air a nadhbharsin do ungaidh Día, do Dhía féin thú le hola luathgháire ós cionn do chompánach.

8 [Boltnuighidh] do chuid éaduigh uile do Mhirr, agus Aloes, agus Chasia: amach as palásuibh dfiacluibh Elephant, le ndéarnadar lúathgháireach thú.

9 Atáid ingheana Ríogh a measc do bhan onórach, atá an bhainríoghan ar na suighiudh ar do láimh dheis a nór Ophir.

10 Eist, a inghean, agus faic, agus dion do chlúas, agus dearmaid do dhaoine, agus tigh hathar.

11 Agus lainnteochuidh an Rígh do sgéimh; óir isé féin do Thighearna, agus umhluigh thú féin dó.

12 Agus guidhfid ingheana Tíor hadhaidh re tiodhlacadh, an chuid is saidhbhre don phobal.

13 Atá inghean an Righ glórmhar uile taobh a stigh, is dórshnáithe a cuhaidh.

14 Do bhéarthar í chum an Rígh a nórnaidheachd dobair shnaithide: na maighdiona a compánuigh noch leanas í, do bhéarthar chugadsa iad.

15 Do bhéarthar íad maille ré lúathghair, agus ghairdeachus, tiucfuid go palás an Rígh.

16 A náit haithreadh biáid do mhic, suigheochthar mar phrionnsuighibh íad fan talamh uile.

17 Do bhéarad fa deara hainm do bheith ar cuimhne ann gach aon ghinealach: uime sin molfuid na daoine thú go saoghal na saoghal.

PSALM. XLVI.

Gurab é Dia an tor is daingne, & an fear gaisge is fearr.

Don phrimhfhear ceóil do chloinn Chórah, caintic air Alamot.

SE Día ar ndidean, agus ar neart, cunghnamh ro ollamh a mbuaidhreadh.

2 Ar a nadhbharsin ni bhía eagla orainn, da mbeith go nárthochadh an talamh; bíodh go nátbrochadh na sléibhte go meadhon na fairge.

3 Bíodh go ndeanadh a huisceadha sin fuaim, agus go mbeidís buáidheartha, da ccriothnuighdís na cnuic le na hat sin go hanmhór.

4 Ata abhann a ndéanaid a sruthain sin cathair Dé lúathgháireach, ionad náomhtha tigh comhnuighe an tí is ro áirde.

5 Atá Día iona meadhon; ní corrochtar í; do bhéaraidh Día furtachd di re héirghe amach na maidne.

6 Do rinneadar na cineadhacha fuáim, do chorruigheadar na ríoghachda: do labhair seision, do leagh an talamh.

7 Atá Tighearna na slógh linn; atá Día Jácob na dhídean aguinn.

8 Tigidh, féuchuidh air oibribh an Tighearna, noch do chuir dólás air an ttalamh.

9 Do bheir sé fa deara cogadh do chosc go crích na talmhan, brisigh sé an bogha, agus gearruidh an ga, loisgidh sé na carbuid annsa teine [ag rádh]

10 Coisgidh, & bíodh a fhios agaibh gur misi Día: biáidh mé ar márdughadh a measc na gcineadhach, biáidh mé onórach air an ttalamh.

11 Ata Tighearna na slogh linn; atá Día Jácob na ro dhídean aguinn.

PSALM. XLVII.

Gur bé Día is Rí na Niudhaigheadh, agus na ccineadhach.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm chloinne Córah.

BUáilidh bhur mbasa, sibhsi uile a phobal: déanuidh gáirdeachus chum Dé re guth caithréime.

2 Oir atá an Tighearna is ro áirde úathbhásach; Rígh mór ós cionn na talmhan uile.

3 Claóidhfidh sé na daóine súinne, & na cineadhacha fá ar ccosuibh.

4 Toighfidh sé ar noighreachd dúinn, oirdhearcus Jácob noch do ghrádhuigh sé.

5 Do chuáidh Día suas ré caithréim, an Tighearna ré guth an ghalltrumpa.

6 Canuidh Psailm do Dhía, canaidh Psailm? canaidh moladh dár Rígh, canaidh moladh,

7 Oir isé Día Rígh na talmhan uile, canaidh moladh go héolgach.

8 Atá Día a rioghachd ós cionn na ccineadhach, suighidh Día ar chathaóir a náomhthachda.

9 Do chruinnigheadar prionnsuidhe na ndaóine, pobal Dé Abraham; óir is lé Día sciatha na talmhan: atá sé ar na árdughadh go ro mhór.

PSALM. XLVIII.

Jerusalem na scáthan ar ghlóir na Heagluise coitchinne.

Caintic agus Psalm do chloinn Chórah.

IS mór an Tighearna, & is ionmholta go hanmhór a ccathruigh ar Ndé, sliabh a naomhthachda.

2 Is bréaghdha a shuighiughadh, sólás na talmhan uile cnoc Síon, taoibh an tuáisceirt, cathair an Rígh mhóir.

3 Is

3 Is aithnid Día ann a phálásuibh
mar dhidean.
4 Oir féuch do chruinnigheadar na
Ríghthe, agus do ghabhadar thort le
chéile a néinfheachd.
5 Do chonncadar sin, agus dob
iongantach léo, do bhádar búaidhear-
tha, do dheithfrigheadar orra.
6 Do ghabh eagla greim dhíobh
annsin, pían mar mhnaói ag breith.
7 Brisionn tú longa Tharsis ris
an ngaóith a noir.
8 Do réir an neithe do chualamar,
marsin do chonncamar a ccathruigh
Thighearna na slógh, a ccathruigh ar
Ndé: daingneochuidh Día í go bráth.
9 Atámaoid ag feithiomh air do chinéul
grádhach, a Dhé, a lár do theampoill.
10 Do réir hanma a Dhé, is mar-
sin atá do mholadh go téorannuibh
na talmhan; atá do lámh dheas lán
dfiréuntachd.
11 Déanadh sliabh Sion gáirdeachus,
bídis ingheana Júdah solásach do
bhrígh do bhreitheamhnusa.
12 Siubhail timchioll Shion; gabh
fá ccuáirt na timchioll, áirimh a tuir.
13 Comharthuighe go maith a ball-
adha, amhaircigh air a palásuibh, go
ninnsighe don ghliniolach (thiocfas)
bhur ndiáigh.
14 Oir isé an Día so ar Ndía go
saóghal na saóghal; tréorochuidh sé
sinn go bás.

PSALM XLIX.

Gur é Dhiá atá an Eiseirghe, & nach é neart nádúrdha.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm mhac
Córah.

CLuinidhe so, a dhaoine uile; éis-
dighe sibhsi, a uile áitreabhthacha
an domhuin:
2 An tárd, agus an tísiol, an saidh-
bhir, agus an daidhbhir le chéile.
3 Laibheoruidh mo bhéul neithe
glioca, agus smuáiniughaidh mo chroidhe
iomad eagna.
4 Cláonfad mo chlúas chum cosamh-
lachd: foisceolad air an ccláirsigh mo
rádh díamhair.
5 Cred fá mbeith eagla orum a la-
éthe a nuilc, an tan thiocfas éagceart
mo shál am thimchioll fá gcuáirt?
6 An dream chuireas a ndóthchus
iona saidhbhrios, agus do ní aidhbhéil
asta féin a niomad a maóine.
7 Ni fhuáisceoluidh duine ar aon-
chor a dhearbhrathair; ní thiubhraidh
a fhuásgladh do Dhía.
8 (Oir átá fúasgladh a nanma
comhmórluáigh sin, agus coisgfidh go
bráth.)
9 Go madh héidir leis fós marthainn
go bráth, chor nach bhfaicfeadh tru-
áilleadh.
10 Oir do chí go néuguid daoine
críonna lé chéile, an tamadán fós a-
gus an duine brúideamhuil go néuguid
síad, agus go bhfágaid ag daóinibh
oile a saidhbhrios.
11 Síad smuáintighthe a ccroidhe
ttighthe do mharthuinn go bráth, agus a
náitreibh ó ghinealach go ginealach; do
bheirid a nanmanna féin air a ndúthaigh.
12 Acht ní dhéana an duine comh-
nuidhe a noirdhearcus, is cosmhail é
ris na hainmhintibh mheathas.
13 So a slighe, sé a néigcríonnacht
é, agus taitnid a ráidhte ris an lu-
thig na ndiáigh.
14 Cuirthear a nifrionn iad mar
chaoirchaibh, iosfuidh an bás iad; biaidh
úachdaránachd ag an bhfiréun orra sa
maidin, & craoíifighear a mbréaghachd
a nifrionn, as a niomad comhnuidhe.
15 Acht sáorfa Día manam ó
láimh ifrinn, óir géabhaidh sé chugam
mé go deimhin.
16 Ná bíodh eagla ort a nuair ó
nithear duine saidhbhir, a nuair mhó-
duighthear glóir a thighe.
17 Oir an tan éugfas sé, ní bhéir
éinní leis, ní rachaidh a ghlóir sios
dá leanmhuin.
18 Bíodh gur bheannuigh sé a anam
iona bheatha, agus go molfaid thú,
mar do dhéanair maith dhuit féin.
19 Rachaidh sé go ginealach a ai-
reach; ní fhaicfidh solus go bráth.
20 An duine atá a noirdhearcus, &
nach ttuigionn, is cosmhail é ris na
hainmhintibh imthighios seachad.

PSALM L.

Eidirdhealughadh an fhíor-chreidimh & fháschreidimh.

Psalm Asaph.

DO ráidh an Día cumhachdach, a
dubhairt an Tighearna, agus do
ghoir an talamh ó éirghe na gréine go
a fuineadh.
2 Amach as Sion, do lonnruigh
Día, iomláine na sgéimhe.
3 Tiucfaidh ar Ndía, agus ní bhiáidh
na thochd: loisgfidh teine roimhe,
agus biáidh anfa iomarcach na thim-
chioll fa gcuáirt.
4 Goirfidh sé chum na bhflaitheas ó
a núas, agus chum na talmhan do
bhreith breithe air a dhaoinibh.
5 Cruinnighe mo náomha chugam, noch
do rinne cunnradh liom le híodhbairt.
6 Agus foillseochuid na flaithis a
fhíréuntachd, óir isé Día féin an
breitheamh.
7 Cluinidh, ó mo dhaoïne, & labh-
eorad ó a Israel, agus do dhéan fiadh-
nuise dhuitsi; is misi Día, do Dhía.
8 Ni dhéanad himdheargadh ar la
híodhbarthach, nó hofrálach loisge, noch
do bhí ós mo chomhair a gcomhnuighe.
9 Ní ghéubhad bulóg as do thigh, nó
gabhair fhirionna as do mhánrachaibh.
10 Oir is liomsa a nuile bheathach
na coilleadh, an teallach ar mhíle cnoc.
11 Is aithne dhamh uile éanlaith na
sliabh, agus is liomsa beathuigh fiad-
ta an mhachaire,
12 Dí

12 Dá mbéinn ocrach, ní inneosuinn
duit: óir is liomsa an domhan, agus
a iomláine.
13 A níosa mé feóil tharbh, no a
nólfe mé fuil na ngabhar bhfirionn.
14 Iódhbair moladh do Dhía, agus
ícc do mhóide ris an té is ró áirde.
15 Agus goir orumsa a ló a néigion-
tais agus fiorfad thú, agus do bhéara
tú glóir dhamh.
16 Acht ris an ccionntach a deir
Dia, Cá mbeanann duitsi mo statúidigh-
se d'foillsiughadh, agus go ngéubhthá
mo chunnradh ad bhéul?
17 Agus fúathuighe tú smachdughadh,
agus teilgfir mo bhríathra táobh siar
dhíot.
18 Má chí tú gaduighe, righfidh
tú leis, agus atá do chuid ronna leis
na hadhaltrannachaibh.
19 Do bheirir do bhéul durchóid,
agus cumuigh do theanga cealg.
20 Suighidh tú, agus labhruidh tú
a naghaidh do dhearbhrathar; do bhe-
ir tú tamail do mhac do mhathar.
21 Na neithesi do rinnis, agus do
bhí misi am thochd, agus do shaóilis
go mbéinn cosmhuil riot féin go hiom-
lán: ach do bhéar achmhusan duit a-
gus cuirfead na neithesi a nórdughadh
os coinne do shúl.
22 Anois measuighe so, sibhsi noch
dhearmadas Día, deagla go réubfuin
sibh, agus nach biáidh fear bhur ttárr-
tháil.
23 An té íodhbras moladh, do bheir
sé onóir dhamhsa, agus an té órdui-
ghios a shlighe, taisbeanfadsa slán-
ughadh Dé dhó.

P S A L M LI.

An ceathramhadh Psalm aithrighe.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm Dhá-
ibhi, a muáir tháinic Nátan an
fáidh chuige, tar éis é do dhul
go Bat-sébah.

DEana trócaire orum, a Dhé, do réir
do thrócaire móire: do réir ro
iomaid do thruáighe scrios amach maind-
lighthe.
2 Nigh mé ó mo chiontaibh go
hiomlán, agus glan mé ó mo pheacadh.
3 Oir admhuighim mo chionta, agus
atá mo pheacadh ós mo choinne a
ccomhnuigh.
4 Ad haghaidhsi féin amháin do phea-
caidh mé, agus ad radharcsa do rin-
neas an tolc: chum go bhfioruigh-
thear thusa ann hurlabhra, agus go rabh-
air fiorghlan ann do bhreitheamhnus.
5 Féuch, is a bpeacadh do rugadh
mé, agus a gcionntuibh do ghabh mo
mhathair a mbroinn mé.
6 Féuch, iarruidh tú firinne taobh a
stigh, agus a secréid dfoillsigh tú
críonnachd damhsa.
7 Glanfaidh tú ó pheacadh mè lé
Hisoip, agus biad glan: nighfir mé,
agus budh gile mé ná sneachda.

8 Do bhéarair orum gáirdeachus, &
lúathgháir do chlos, chum go ndéin-
dís na cnámha, noch do bhris tú,
lúathgháire.
9 Foluigh haghaidh óm pheacuigh-
ibhsi, agus scrios uáim mo chionta.
10 Cruthaigh ionnam croidhe glan,
a Dhé; agus athnúaghaidh ann mo
mheadhón spiorad iomlán.
11 Ná teilg mé seachad od fhiagh-
nuise, agus ná beir do spiorad nú-
omhtha uáim.
12 Aisig dhamh gáirdeachus do shlán-
uighthe, agus connuimh súas mé le
spiorad shaóir.
13 Ann sin múinfidh mé do shlighe
do chiontachaibh, agus iompóchthair
peacacha chugadsa.
14 Sáor mé ó fhuil, a Dhé, Día
mo shlánuighthe, agus foillseochaidh
mo theanga thfíréuntacht ós áird.
15 A Thighearna, foisgeola tú mo
phuisíne, agus foillseochuidh mo bhéul
dó mholadh.
16 Oir ní iarrann tú íodhbairt, agus
go ttiubhruinn sin uáim: ní bhfuil
dúil agad a nofráil loisge.
17 Is iad íodhbartha Dé, spiorad
briste: ar chroidhe bhriste chomh-
mbrúighte, a Dhé, ní dhéanair tarcuisne.
18 Déan maith do Shion ó do
dheaghthoil féin: cuir súas balladha
Jerusalem.
19 Annsin biáidh fonn agad a níodh-
bairt na fíréuntachda, a nofráil loisge,
agus a nofráil chnaóite go hiomlán:
annsin do dhéanaid bulóga óga do
thoirbhirt air haltóir.

P S A L M LII.

Tairrgir ar dheireadh an droch chuirteóir.

Don phrímhfhear ceóil, Psalm teagaisg
Dháibhi: a nuáir tháinic Doeg an
Tedomiteach, agus dinnis do Shaul,
agus a dubhairt ris, tháinig Dáibhi
go tigh Ahimelech.

CRed fá ndéan tú uáill a nolc, a
dhuine chumhachduigh? mairigh
maith an Tighearna ar feadh an laoi.
2 Tionnsgnuidh do theanga urchóid
amhuil gérscían bhéarrtha, ag oibriu-
ghadh go cealgach.
3 Grádhuigh tú olc tair an maith,
bréaga ós cionn labhairt go fíréunta.
4 Is ionmhuin leachd gach uile
bhríathra urchóideacha, ó a theangaidh
mhillteach.
5 Mar an ccéadna scriosfuidh Día
thú go brath, agus béaruidh seachad
thú, agus tarrongfuidh thú as do
pháilliun, agus beanfaidh do fhréumha
as talamh na mbéo.
6 Do chífidh an fíréun mar an
ccéadna, agus biaidh eagla air, agus
do dhéana gáire faoi.
7 Dearc an nduine nach déarna a
neart do Dhía, acht do chuir a dhóigh
iona iomad saidhbhris, agus do neart-
uigh é féin iona chionntaibh.

8 Acht misi mar chrann ghlas oilibh
a ttigh Dé, atá mo dhóigh a ttrócaire
Dé go síoghal na sághal.
9 Molfad thú go síorruidhe, do
bhrígh go ndéarna tú sin, agus feithfhme
mé ar hainm, óir is maith é ós coinne
do naomh.

PSALM LIII.

An Duine do chuir cúl re Día thríd amach, ní bhfuil sé saor ó eagla.

Don phrímhfhear ceóil ar Mahalat,
Psalm teagaisg Dháibhi.

ADubhairt an tamadán iona chroidhe,
ní bhfuil Día ann; truáilligh atáid
siad, do níd éaigceart adhuathmhar,
ní bhfuil áonduine do ní maith.
2 Dféuch Día ó neamh ar chloinn
Adhaimh, dféachuin an raibh aon do
thuicfeadh, nó diarrfadh Día.
3 Do chuáidh gach áon ar ccúl,
atáid a néinfheachd truáillighe, ní
bhfuil áonduine do ní maith, ní bhfuil
fós áonduine.
4 A bhfuil luchd oibrighthe ur-
choide gan éolus? noch itheas mo
dhaóine mar ithid arán, agus ní
ghoirid air an Ttighearna.
5 Ann sin do bhí eagla orra le húa-
mhan, mar nach raibh eagla; óir do
spréidh Día a cnámhasan noch do
rinne campa ad aghaidhsi; do náirigh
tú iad do bhrígh gur dhiult Día iad.
6 O dá ttugthaoi slánughadh Israel
amach as Sion: a nuáir iompochus Día
braighdeanas a dhaóine, do dhéana Jácob
lúathgháir, agus Israel gáirdeachus.

PSALM LIV.

Is ullamh furtácht ó Dhia do nfhírein iona amhgar.

Don phrímhfhear ceóil air Neginot,
Psalm teagaisg Dháibhi, a nuáir than-
gadar na Siphimigh, agus a dubhra-
dar ré Saul, nach bhfuil Dáibhi dha
fholach féin ar bhfochairne?

O A Dhé, sáor mé led ainm, agus led
neart beir breitheamhnus orum.
2 O a Dhé, éist mo ghuidhe, tabhair
éisteachd do bhriathruibh mo bhéil.
3 Oir déirghiodar coigcríche súas
am aghaidh, agus iarruid luchd far-
uighthe manam, níor chuireadar Día
ós a ccoinne.
4 Féuch, isé Día mfear cabhartha,
atá an Tighearna ris an luchd choth-
uighios manam.
5 Cúiteochuidh sé olc ris a ndro-
ing bhíos ag forfhaire orum: scrios
uáit iad ann thfírinne.
6 Do dhéana mé iodhbhairt d... go
toileamhuil; molfad hainm, a Thigh-
earna, óir is maith é.
7 Oir do shaor sé mé óm uile bhu-
aidhreadh, agus do chonnairc mo shúil
mo naimhde.

PSALM LV.

Guidhe Dhaibhi anaghaidh eascairde a thighe fein.

Don phrímhfhear ceóil ar Neginot,
Psalm teagaisg Dháibhi.

TAbhair éisteacht dom ghuidhe
a Dhé: agus ná folaigh thú
óm ghearán.
2 Tabhair aire dhamh, agus ...
riom: do ním doilghios ann mo ...
rán, agus do ním fuáim,
3 Tre ghuth na námhad, tre ...
leatrom na bpeacach: óir do ...
urchóid orum, agus fuathaighid ...
ndibhfheirg.
4 Atá mo chroidhe air na m...
anadh ionnum: agus do th...
úathbhása an bháis orum.
5 Atá eagla, agus criot...
ar tteachd orum, agus dfolaigh ...
bhás mé.
6 Agus a dubhras, ó nach ...
sciathán coluim agam! do dhéan...
eitil, agus do bheinn a ...
7 Féuch, do rachuinn a b...
seachrán, do dhéanuinn co...
ann sa bhfásach.
8 Do dhéanuinn deithnios ...
lógh ón ngaóith ngúasachdaigh, ...
anfaidh.
9 Scrios, a Thighearna, agus ...
a tteangtha: óir do conn... ...
foiréigion agus imreasan annsa ...
ruigh.
10 A ló agus a noidhche ... ...
timchioll air na balladhuibh: atá ...
chóid agus doilghios iona meadhón.
11 Atá corbadh ann a lár: agus ...
dhealuighionn meabhuil agus cealg ...
na sráidibh.
12 Oir ní náimhaid do imdhearg ...
annsin dféadfuinn a iomchar; níor ...
duigh an té dó fhúathaigh mé, ...
am aghaidh, ann sin do rachuinn ...
bhfolach air.
13 Acht tusa a dhuine mar mo
shamhuil féin, mo éolaighe, agus
mfear aitheantais.
14 Do rinneamar arion comhairle
mhilis, do chúadhmar a náinfheachd
go tigh Dé.
15 Gabhadh an bás sealbh orra, té-
ghaid síos go hifrionn béo: óir atáid
uilc iona ccoimhthionól, iona meadhón.
16 Eighfe mé chum Dé, agus ...
sa an Tighearna mhé.
17 Tráthnóna, agus air maidin, agus
san meadhon laói, do dhéana mé ...
naigh, agus éighfiod ós áird: agus
cluinfidh seision mo ghuth.
18 Dfúasgail sé manam a síothcháin
ón gcath do bhí am aghaidh: óir ...
re hiomad do bhádar [ag cur] chugam.
19 Cluinfidh an Día laidir, agus do
bhéaraidh a núas iad, eadhon an té ...
ann ón tseanaimsir: ar a ...
nach áthruighid, dá bhrígh sin a
bhíonn eagla Dé orra.
20 Do chuir sé a lámha amach a...
ghaidh an luchda do bhí a síoth...
ris; do bhris sé a chunnradh.
21 Bá bláithe bríathra a bhéil ...
im, acht do bhí cogadh iona chroidhe ...

[illegible] a fhocail na ola : gidheadh
[illegible] cloidhmhthe tairrngthe iad.
22 Teilg do mhuirighin air an Ttigh-
[illegible], agus cothochuidh sé thú ; ni fhui-
[illegible] sé an firéun do chorrughadh
[illegible] bráth.
2 Roimhe Ephraim, agus Bheniamin,
agus Mhanaſſeh corruidh ſúas do neart,
agus tárrthuigh ſinn.
3 A Dhé, iompoigh ſinn, agus tabhair
air haghaidh deálrugh, agus bíam ſlán.
4 A Thighearna, a Dhé na ſlógh,
cá fad bhias tú feargach a naghaidh ur-
naighe do dhaóine ?
5 Do bheathuigh tú iad ré harán na
ndéor, agus thugais orra déara ibhe go
fairſing.
6 Dó ní tú imrioſuin dínn dár
ccomharſanaibh, agus do níd ar naimhde
magadh eaturra féin.
7 A Dhe na ſlógh iompóigh ſinn, a-
gus tabhair air hadhuigh deálradh, agus
bíam ſlán.
8 Thug tú fineamhuin as an Négipt ;
do theilgis amach na cineadhacha,
agus do chuir tú í.
9 Do ſholathair tú ionad roimpe, agus
thugais air a fréamhach fréamhadh, a-
gus do líon ſí an talamh.
10 Do folchadh na ſléibhte re na
ſcáile, agus ba Séadair mhóra a bean-
gáin.
11 Do chuir ſí amach a beangáin go
muige an mhuir, agus a gabhláin gus a
nabhuinn.
12 Cred far bhriſis ſíos a fálta, chor
go ſgothaid í gach a ngabhann an
tſlighe.
13 Tochlaidh ſíadh-chullach na coil-
leadh í, agus ithidh beathach [illegible]
mhagha ſúas í.
14 A Dhé na ſlógh, iomp[illegible]
nois, féuch ó neamh, agus [illegible]
tárr dſéachain na fineamhuin[illegible]
15 Agus an ſtoc do phl[illegible]
lámh dheas, agus an beangán [illegible]
tú comhláidir ſin duit féin.
16 Atá ſí ar na loſgadh re [illegible]
géarrtha ſíos, meathaid ré [illegible]
ghnúiſe.
17 Bíodh do lámh air fhear do [illegible]
deile, air mhac an duine noch do [illegible]
comhláidir ſin duit féin.
18 Agus ní racham ar cc[illegible]
béodhuigh ſinn, agus [illegible]
hainm.
19 A Thighearna a Dhé na [illegible]
iompóigh ſinn, agus taiſbéin [illegible]
dhúinn, agus bíam ſlán.

PSALM. LXXXI.

Bí iomdha maith uainn, & [illegible] dha olc orainn, chion buidheachais.

Don phrímhfhear ceóil ar [illegible]
Pſalm Aſaph.

LUáthgháirigh chum Dé ar [illegible]
déanaidh fuáim mheanmnach [illegible]
Dé Jácob.
2 Glacaidh pſalm, agus [illegible]
tiompán libh, an tſitorne [illegible]
ris an ccláirſigh.
3 Séidigh an ſtoc annſa [illegible]
núadh, annſa núair chinnte, ló ar [illegible]
4 Oír is dligheadh ſo do [illegible]
reacht ó Dhía Jácob.
5 Mar fhiadhnuiſe do ſhuighidh [illegible]
do Jóſeph, a nuáir do chuáidh ſé [illegible]
thalamh na Hégipte, mar a ccúala[illegible]
teanga nar thuigios.
6 Dáthruigh mé a ghúala ó [illegible]
do ſaoradh a lámha ó na [illegible]
7 A mbuáidhreadh do ghoir tú, [illegible]
do ſháor mé thú ; do f[illegible] mé [illegible]
a nionad uáigneach na [illegible] : do
dhearbh mé thú láimh ré [illegible]
Meribah.
8 Eiſt, ó mo phobal, [illegible] do [illegible]
nadſa fiaghnuiſe dhuit ; ó Iſrael, ma [illegible]
ſtir liom ;
9 Ní biáidh ionnadſa Día [illegible]
each, agus ní chláonſa tú [illegible] féin do
Dhia coigcríche.
10 Is miſi an Tighearna do Dhía
thug ſúas thú as crích na Hégipte : [illegible]
gail do bhéul go fairſing, agus [illegible]
miſi é.
11 Acht níor éiſdeadar mo [illegible]
rem ghuth, agus níor [illegible]
damh.
12 Agus do léigios dóibh [illegible]
míangus a ccroidhe : do ſhiubhladar [illegible]
ccomhairle féin.
13 O, dá néiſtfedís mo dhaóine [illegible]
dá ſiubhladh Iſrael ann mo ſhlighthibh
14 Do bhéuruinn a naimhde a [illegible]
haithghéarr, agus dſilléinn mo [illegible]
a neaſccáirdibh.
15 Duimhleochaidís lucht [illegible]
Tighearna

[…] iad féin go fathach dhó : acht
[…] a naimsirsion go síorrúidhe.
16 Agus do bheathochadh sé iad le méu-
[…] cruithneachda : agus lé mil amach
[…] carruic do shásseochuinn thú.

PSALM LXXXII.

Dleasdanas na mbreitheamhan.

Psalm Asaph.

[…]aidh Día a ccomhdhá il Dé ; brea-
[…]uigh sé a meadhon na ndée.
2 Ca fad bhéithi ag breith bhrei-
[…]nis go neimhcheart, agus
[…]bhthaoi pearsanna na gciontach ?
3 Déanuidh ceart don bhocht agus
[…] díleachta, déanuidh cóir don
[…]achta, déanuidh cóir don duine
[…] agus do neasbhuidheach.
4 Saor an bocht agus an ríachtanach:
[…] an duine urchóidigh tarthuigh é.
5 Ni haithne dhóibh, agus ní háill
[…] a thuigsin ; siubhluid siad a ndor-
[…], ataid uile bhunáite na talmhan
[…] ccorrughadh.
6 A dubhairt mé, is dée sibh : agus
is [...] an té is ro áirde sibh uile.
7 Acht do gheabhthaoí bás amhuil
an duine, agus tuitfighthí mar aon do
na prionnsadhuibh.
8 Eirigh, a Dhé, beir breitheamhnus
air an ttalamh ; óir gheabhair oigh-
[…]cht air a nuile chineadh.

PSALM LXXXIII.

[…] a naghaidh comhchogáir na namhad [...] chéile anaghaidh Dé & a dhaoine.

Cantic agus Psalm Asaph.

A Dhé, ná bí ad thochd, ná bí boghar,
agus ná coisg, a Dhé,
2 Oir féuch, do níd do naimhde
[…]bhuáidhreadh, agus tógbhaid lucht
[…]fuathuighthe a cceann.
3 A naghaidh do dhaóinesi do gha-
bhadar comhairle uáigneach go meabh-
lach, agus do chúadar a ccomhairle a
naghaidh híon bhfoluigheach.
4 Dubhradar, tagaidh, agus gearram
amach iad ó bheith na gcineadh ; go
nach cuimhneochthar ainm Israel
[…] mó.
5 Oir do chomhairligheadar ré chéile
[…]toil, ataid coimhcheangailte ad
aghaidh.
6 Pailliun Edom, agus na Hismaeli-
tigh, Móab, agus na Hagarénigh.
7 Gébal, agus Ammon, agus Ama-
lec, na Philistinigh, maille ris an ndro-
ing chomhnuighios ag Tior.
8 Atá Assur air na cheangal léo mar
an cceadna, agus bá cungnamh íad do
chloinn Lot.
9 Déansa orrasan mar do rinnis air
Mhidian ; air Shisera, air Jábin ag
abhainn Cison.
10 Noch do thuit ag Endór, do rin-
neadh aoileach dhíobh chum na talmhan.
11 Déan a ndaoine nuaisle mar Oreb,
agus mar Seeb,agus a bprionnsuidhe uile
mar Seba, agus mar Salmunnah :
12 Noch a dubhairt, Glacam chuguinn
féin tighthe Dé mar oighreachd.

13 O mo Dhía, déan amhuil roithlean
iad, mar an gconnlach air aghaidh na
gaóithe.
14 Mar loisgios an teine coill, mar chui-
rios an lasair na sléibhte tre theine ;
15 Amhluigh sin déansa ainleanmhuin
orra led anfadh, agus buaidhir iad led
stoirm.
16 Líon a naighthe lé náire, chor go
níarruid hainm, a Thighearna.
17 Clachdhtear, agus buaidhearthar
iad go síorruidhe : bíodh náire orra, agus
meathaid :
18 Chor go mbía a fhios aca, gur
tusa amháin, darab ainm Jehóbhah, is
ro áirde ós cionn na talmhan uile.

PSALM LXXXIV.

Gu bfuil cumann na naomh a ntigh Dé, ro injarraidh.

Don phrimhfhear ceóil ar Ghittit, Psalm
do mhácaibh Córah.

CRed é a gheanamhla hionad suighe,
a Thighearna na slógh ?
2 A tá manam fonnmhar, agus mar
an ccéadna ag meirtniughadh re dúil
a ccúirtibh an Tighearna : gáirigh
mo chroidhe agus mfeóil amach chum an
Dé bhí.
3 Fós do gheibh an gealbhonn féin
tigh, agus a náinleóg nead di féin mar
a ccuireann a hóigein : haltórachsa, a
Thigheana na slógh, mo Rígh agus mo
Dhía.
4 O is sona an drong noch áitrea-
bhus ann do thigh do ghnáth, molfaid
thú a ccomhnuighe.
5 Is sona an nduine agá bhfuil a neart
ionnadsa, a bhfuil do shlighe na chroidhe.
6 Noch ag gabháil thríd ghleann Bac-
ca, do níd é amhuil tiubruid, agus
líonuidh fós a nfearthuinn na lochláin.
7 Imthighid ó neart go neart, do chísi-
ghear gach aon a lathair Dé, a Sion.
8 A Thighearna, a Dhé na slógh,
cluin murnuigh : tabhair éisdeacht, a
Dhé Jacob.
9 A Dhé ar sciath, dearc, agus feuch
ar aghaidh hungthaigh féin.
10 Oir is féarr lá ann do chúirtibhsi
ná míle ; do bféarr leam bheith am
dhoirseóir a ttigh Dé, ná bheith am
chomhnuidhe a bpáilliun an chiontuigh :
11 Oir is grían, agus sciath an Tigh-
earna Dia : do bhéaraidh an Tighearna
grása agus glóir : ní chuinneochaidh sé
maith ón luchd do shiubhlus go díreach.
12 A Thighearna na slógh, is sona an
duine chuirios a dhóigh ionnadsa.

PSALM LXXXV.

Ag jarraidh réidhte, ata sé ag feitheamh ar fhocal Dé, & iomdha beannacadh ré linn.

Don phrimhfhear ceóil, Psalm do
mhacaibh Córah.

A Thighearna, do bhí tú fabharthach
dot dhúthaigh, thug tú ar ais
braighdionas Jácob.
2 Do mhaith tú coirthe do phobail :
dfoluigh tú a bpeacadh uile.

3 Do

3 Do tharruing tú sleachd do dhíbhfhearg uile, dfillis ó theas thfeirge.
4 Iompóigh sinn, a Dhé ar shlánuighthe, agus coisg thfearg ar naghaidh.
5 An mbía tú feargach go bráth rinn? an mbía thfearg ar congmháil ó ghhinealach go ginealach.
6 Nach déanair sinne bhéoghudh a rís, ionnus go ndéunaid do dhaoine lúathgháire ionnad.
7 Taisbéin do thrócaire dhúinn, a Thighearna : agus tabhair do shlánughadh dhúinn.
8 Cluinfiod cred a déaras Día an Tighearna : óir laibheoruidh sé síothcháin ré na dhaóinibh, agus ré na naomhuibh ; iondus nach bhfillfid a rís chum éigcríonachd.
9 Atá a shlánughadh go deimhin a ngar don lucht air a bhfuil a eagla : go náitrighiodh glóir ann ar ndúithche.
10 Tárla trocaire agus firinne ré chéile : do phógadar a nfíréantacht agus an tsíothcháin ar oile.
11 Fásaigh firinne as an ttalamh, agus féuchuidh a nfíréantachd a nuas ó neamh.
12 Do bhéura an Tighearna mar an ccéadna maith ; agus do bhéara ar bhfearann a thoradh.
13 Rachaidh ceart ós coinne a aighthe, agus cuirfidh sinne a slighe a choiscéime.

PSALM LXXXVI.

Atá Daibhi ag jarraidh maitheamhnas peacaidh, & Didion ó naimhdibh.

Urnaigh Dhaibhi.

CLáon do chlúas a nuas, a Thighearna, cluin mé : óir atáim bocht, agus uireasbhach.
2 Coimhéad manam, óir atáim náomhtha : ó mo Dhía, sáor do sherbhíseach, noch chuirios a dhóigh ionnad.
3 Déan trócaire orum, a Thighearna : óir is chugadsa ghairim ar feadh an láoi.
4 Gairdigh anam do sherbhísigh : óir is chugadsa, a Thighearna, thógbhuim suas manam.
5 Oír tusa, a Thighearna, atáoi maith agus maithfeach : agus ro thrócaireach don luchd ghairios ort.
6 Tabhair éisdeachd, a Thighearna, dom urnaigh : tabhair aire do ghuth mo ghearáin.
7 A ló mo bhuáidheartha gairfiod ortsa : óir freagorá tú mé.
8 Ni bhfuil do shamhuilse a measc na ndée, a Thighearna : agus ní bhfuilid neithe cosmhuil red oibreachaibh.
9 Tiocfaid na huile chineadhacha do rinnis, agus do dhéanaid adhra ós do choinne, a Thighearna : agus do dhéanaid hainm do ghlórughadh.
10 Oír is mór thusa, agus do nír neithe iongantacha : is tú féin Día amháin.
11 Teagaisg dhamh, a Thighearna, do shlightheacha, & siubhólad ann tfirinne : coimhcheangail mo chroidhe chugadsa deaglughadh hanma.
12 Molfad thù, a Thighearna mo [illegible] rem uile chroidhe, agus do [illegible] hainm do ghlórughadh go bráth.
13 Oír is mór do thrócaire [illegible] agus dfúascail tú manam ó [illegible] íochdarach.
14 O a Dhé, déirghiodar na [illegible] righ súas am aghaidh, & diarradar [illegible] mhthionól na bhfoiréigníoch manam, níor chuireadar thusa as a ccomhair.
15 Acht atá tusa, a Thighearna [illegible] trócaireach grásamhuil, ag [illegible] bhfad, agus lán do throcaire, [illegible] dfirinne.
16 Feuch orum, agus déan trócaire orum : tabhair do neart dot sheirbhíseach, agus tárthuigh mac hinneilte.
17 Déan riomsa comhartha chum [illegible] ithesa, agus faicdis sin an luchd [illegible] thuighios mé, agus biodh náire orra : do bhrigh, a Thighearna, gur [illegible] tusa leam, agus go ttugais [illegible] dhamh.

PSALM LXXXVII.

Gloir Shioin, nó Eaglaise Dé.

Psalm no Caintic do chloinn Córah.

ABhunáit féin annsna sléibhtibh naomhtha,
2 Is ionmhuin le Día geatadha Sion [illegible] cionn ionad suighe Jácob uile.
3 Is glórmhar na neithe labhartar ortsa, a chathair Dé.
4 Laibheorad air Rahab, agus air Bhabilón ris an luchd dar baithne mé, dearc Palestína, agus Tirus, [illegible] ris a Netiópia : annsin do rugadh an fearso.
5 Agus a ttáobh Shion a déarthar, Do rugadh an fearso & an fear úd innte, agus an té is ro áirde daingneochu sé í.
6 Comháirfigh an Tighearna an tan scríobhthus sé na poibleacha, Do rugadh an fearsa annsin.
7 Na canntáirighe air aon, agus an luchd seanma ; biaidh mó uile thoibreacha ionnadsa.

PSALM LXXXVIII.

Urnaigh ghearánach thruaghóin, & é [illegible].

Caintic no Psalm do chloinn Córah, don phrimhfhear ceóil air Mahalath leannot, Psalm teagaisg Heman an Tesrahíteach.

A Thighearna, a Dhé mo shlánuighthe, do ghoir mé do ló agus doidhche air haghaidh.
2 Tigeadh múrnaigh dot láthair, claón a nuas do chluas chum méighmhe.
3 Oír atá manam lionta lé holcaibh : agas atá mo bheatha ag tarruing a ngar difrionn.
4 Airighthear mé maráon ris an luchd théid síos annsa log : atáim mar [illegible] ann nach bhfuil neart ar bith.
5 Sáor a méasc na marbh, [illegible] na mairbh atá na luighe annsa [illegible] áidh, air nach ccuimhnighionn [illegible] nísa mhó : noch do gearradh amach ó do láimhse.

6 Do chuiris mé annſa log íochdarach,
a ndorchadas, annſna háitibh doimhne.
7 Is orumſa chomhnuigheas do dhí-
bhearg, agus do bhuáidhris mé red
thonnuibh.
8 Do áthraidh tú a bhfad uáim mo
lucht cumuinn: do rinnis am úathbhás
dhóibh mé: atáim ar míadhagh a ſtigh,
agus ní fhéadam teachd amach.
9 Do ní mo ſhúil doilghios buáidhear-
tha: do ghoirios ortſa, a Thighearna,
ar feadh an laói, do ſhíneas amach mo
lámha chugad.
10 A ndéana tú do na marbhuibh
iongnadh? a néireochuidh an drong
atá marbh, dot mholadh?
11 An bhfoillſeochthar do thrócaire
ſan uáidh? thfírinne a ndíothlaithriu-
ghadh?
12 A naitheontar hobair iongantach
annſa dorchadas? thfíréantachd a dta-
lamh an dearmaid!
13 Acht miſi, do ghoireas chughadſa
a Thighearna, tiucfa murnaigh ar mai-
din ós do choinne.
14 A Thighearna, cred fa tteilgir ſea-
chad manam? cred fa bhfolchann tú
haghaidh orum?
15 Duine bocht troithlighe miſi óm
óige: fuilingim húathbhaſſa, atáim air mo
bhuáidhreadh.
16 Do chuáidh thfearg aidhmhéil
torum, do ghearradar húathbhais a-
mach mé.
17 Do ghabhadar am thimcioll amhuil
uiſge ar feadh an laói, thangadar go
coimh a néinfheachd am thimchioll.
18 Do áthruigh tú a bhfad uáim fear
grádha, agus cara, agus an lucht dar
bhaithne mé, a ndorchadas.

PSALM LXXXIX.

... dhaingion da dhaoinibh féin, trócaire &
firinne Dé, ſa nuile chás a mbíd.

Pſalm teagaiſg Etan an Teſrahíteach.

CAnfad trócaire an Tighearna go
bráth: foillſeóchad thfírinne lém
bhéal ó ghinealach go ginealach.
2 Oir a dubhairt mé, Cuirfighear tró-
caire ſuas go bráth: daingneochaidh tú
thfírinne ſós annſna flaithis.
3 [Ag rádh] Do rinneas connradh
rem dhaoinibh toghtha, thugas mionna
dom ſheirbhíſeach Dáibhi.
4 Daingneochad go bráth do ſhliochd,
agus ſuidheochad do chathaóir ríogha ó
ghinealach go ginealach.
5 Agus molfaid na flaitheamhnuis
hoibreacha iongantacha, a Thighearna:
thfírinne ſós a ccoimhthionól na náomh.
6 Oir cía annſa ſpéir is féidir do
chomóradh ris an TTighearna? cía is
coſmhuil ris an TTighearna a meaſc
chloinne na neartmhar?
7 Is cóir eagla do bheith roimhe Dhía
a ccoimhthionól a naomh go rombór:
agus modh do thabhairt dó ós cionn a
bhfuil na thimchioll,
8 A Thighearna a Dhé na ſlógh, cía
ata coſmhuil riot? Tighearna ro chu-
mhachdach, agus atá thfírinne ad thim-
chioll ſa gcuáirt.
9 Riaghluidhe tú úabhar na mara,
an tan bhíd a tonna ar dtógbháil
ſúas, ſuáimhnigh tú íad.
10 Do bhris tú Rahab amhuil duine
ar na ſháthadh thríd; lé láimh do neirt
do ſpréidh tú do naimhde.
11 Is leatſa na flaitheamhnuis,
agus fós is leacht an talamh: an
ſaoghal, agus a iomláine ſin do ſhuí-
ghidh tuſa iad.
12 Do chruthaidh tú budh thuáidh
agus budh dheas: Tábor agus Hermon
do dhéanaid lúathgháire ann hainm.
13 Atá righ neartmhar agad, is
láidir do lámh agus is árd do dheaſ-
lámh.
14 Ceart agus breitheamhnus is ſui-
gheadh dot chathaóir ríogha: rachaidh
trócaire agus fírinne ós coinne haighthe.
15 Is ſona na daóine dar baithne
a nfuáim gháirdeach: a Thighearna, ſiu-
bholuid a ſolus do ghnúiſe.
16 Do dhéanaid gáirdeachus ann
hainmſe air feadh an laói, agus ann
thfíréantachd áirdeochthar íad.
17 Oir is tuſa glóir a neirt, agus
ann thfadhbhar áirdeochthar ar na-
dharc.
18 Oir is ón Tighearna atá ar
ſciath, agus iſé ar Rígh aon naomh-
tha Iſrael.
19 Annſin do labhair tú a ttaidhbhſi
red náomhuibh agus dubhairt tú, Do
chuir mé furtachd ar dhuine chumha-
chtach, dárduigh mé neach toghtha as
an bpobal.
20 Fuair mé Dáibhi mo ſherbhíſeach;
rem ola náomhtha dunguidh mé é.
21 Le a mbiaidh mo lámh go diong-
mhalta, neartochaidh fós mo rìgh é.
22 Ní dhéana an námhaid foiréigin air;
ná mac an chorbaidh a bhuáidhreadh.
23 Agus claóidhfiod a eaſcáirde da la-
thair féin; agus cráidhfiod an lucht agá
bhfuil fúath air.
24 Acht béid mfírinne agus mo thró-
caire leiſion, agus áirdeochthar a adharc
ann mainm.
25 Cuirfiod a lámh mar an ccéadna
annſa mhuir: agus a lámh dheas annſna
haibhnibh.
26 Goirfidh ſé chugamſa, A athair
is tuſa mo Dhía, agus carraic mo ſhlá-
naighthe.
27 Mar an gcéadna do dhéana mé
eiſion na chéidghin, níos áirde ná
Righthe na talmhan.
28 Go bráth choinneochad mo thró-
caire dhóſan, agus biaidh mo chunnradh
fírinneach dhó.
29 Agus ſuigheochad a ſhíol go
bráth, agus a chathaoir ríogha mar lae-
the ſhlaitheamhnuis.
30 Má thréigid a mhic mo dhligheadh,
agus nach ſiubhóluid an mo bhreithea-
mhnus;

31 Má

31 Má thruaillid mo reachda, agus nach
ccoimhéaduid maitheanta:
32 Tiucfadsa annsin dféuchuin a sa-
ruighthe ris an tslait, agus a ccorbadh
le buillighibh.
33 Thairis sin ní bheansa mé mo
throcaire dheision, agus ní dhéanad
bréug a naghaidh mfirinne.
34 Ní thruáillfiod mo chunnradh, agus
ní áithreochad an ní do chuáidh amach
as mo bhéul.
35 Thugas mo mhionna aonuair Dar
mo naomhthacht, nach déanuinn bréug
re Dáibhi.
36 Biaidh a shliochd go bráth, agus
a chathaóir ríoghdha mar na neamha
ós mo choinne.
37 Biáidh sé ar na dhaingniughadh
go bráth mar an ngealuidh, agus mar
fhiaghnuise fhírinnigh annsa naier.
38 Ach do thréigis, agus do dhiúlt
tú, do bhí tú ro fheargach red ungthach.
39 Do bhris tú cunnradh do sherbhí-
sigh, do thruáillígh tú a choróin, da
teilgion chum na talmhan.
40 Do bhris tú fós a fhálta uile, agus
do theilghis síos a dhaingne.
41 Gach a ngabhann an tslighe, crea-
chaid é: is imdheargadh é dá chomhar-
sanaibh.
42 Dárduigh tú lámh dheas a námhad,
do gháirdigh tú a naimhde uile.
43 Do iompoighis fós faobhar a chlo-
idhimh tar ais, agus ní thugais air sea-
samh annsa chath.
44 Thugais air a dhéalradh cosg,
agus do theilg tú a chathaoir ríogha go
talamh.
45 Do ghearraidh tú laéthe a óige,
dfoluigh tú é le naire.
46 Cá fad fhoileochus tú thú féin, a
Thighearna, an go bráth? an loisgfidh
thfearg mar theine?
47 Cuimhnigh cred fad mo ré, cred
far chruithighis a ndiomháoineas síol
Adhaimh uile.
48 Cia hé an duine mhairios, agus
nach bhfaicfe an bás? an saorsa sé a
anam ó láimh ifrinn?
49 Cáit a bhfuilid do throcairidhe
roimhe so, a Thighearna, noch do mhi-
onnuighis do Dhaibhi ann thfirinne!
50 Cuimhnigh, a Thighearna, scan-
nail do sheirbhíseach, noch iomchruim
ann mo bhrollach ó nuile chineadh mhór;
51 Re ar imdheargadar do naimhde,
a Thighearna, ler imdheargadar cois-
céime hungthaidh.
52 Go madh beannaigh bhías an Ti-
ghearna go bráth. Amen, agus Amen.

PSALM XC.

Caintic nó urnaigh Mhaóisi, ag smuáineadh ar an bhás.

Urnaigh Mhaóise ógluich Dé.

A Thighearna, do bhí tú ad ionad
chomhnuigh dhúinne ó ghinealach
go ginealach.
2 Súil rugadh na sléibhthe, [illegible]
fuil ar chum tusa an talamh, [illegible]
saoghal, go deimhin ó shiorr[illegible]
go síorruigheachd atá tú ad Dhía.
3 Impoigh tú an duine d[illegible]
chum a mhillte, agus a deir tú, [illegible]
a chlann Adhaimh.
4 Oir míle blíadhan tair éis [illegible]
atáid ad radharcsa mar an lá a [illegible]
gus mar á nfaire annsa noidhche.
5 Beiridh tú leachd íad [illegible]
sruth, atáid mar bu na ccodladh [illegible]
maidin atáid mar fhéur do chlodh.
6 Ar maidin bláithigh sé, agus d[illegible]
chloidh sé; trathnóna géarrthar [illegible]
agus críonuidh sé.
7 Oir meathamaoid ann [illegible]
agus atamaoid ar mbuáidhreadh [illegible]
dhíbhfheirg.
8 Do chuir tú ar ccionta ós do d[illegible]
inne, ar bpeacuidhe folúigheadh [illegible]
coinne sholus do ghnúise.
9 Oir do chuadar ar láethe [illegible]
ruinn ann do dhibhfheirgsi, [illegible]
ar mbliadhna mar sgéul.
10 Láethe ar mbliadhna, [illegible]
mbliadhna agus trí fithchid iad, [illegible]
má bhid tre neart, ceithre fithchid, [illegible]
saothar agus diomhaoineas a neart: [illegible]
géarrthar amach é go deithnideach,
agus teithmid romhuinn.
11 Cía dar baithne neart thfeirge,
nó do dhibhfheirge do réir heagla?
12 Teagaisg dhúinn ar laethe do
ríomh, iondus go ttugam chugainn cro-
idhe eagnuighe.
13 Iompóigh, a Thíghearna, cá fad,
agus bíodh aithreachus ort a ttáobh do
sheirbhíseach.
14 Sásaidh sinn go moch red thró-
caire; agus do dhéanam lúathgháire agus
gáirdeachus air feadh ar saoghail.
15 Tabhair fa deara dhúinn gáirdea-
chus do dhéanamh do réir na laetheadh
ionar bhuaidhir tú sinn, agus na mblia-
dhan iona bhfacamar olc.
16 Taisbeanntar hobair dot sheirbhí-
seachaibh, agus do ghlóir dá cclóinn.
17 Agus bíodh scéimh an Tighear-
na ar Ndé oruinn; agus daingnidh
oibreacha ar lámh oruinn; [illegible]
cheana ar lámh daingnidhsi sin.

PSALM XCI.

Is Dídion Dia da dhaoinibh dísle, [illegible] gach soighead & sciúrsa.

AN té áitighios a [illegible]
té is ro áirde, do dhéan[illegible]
comhnuidhe ar scáth a nuilechu[illegible]
chtuigh.
2 A déarad a ttaobh an Tighearna:
mo dhídean, agus mo dhaingion; [illegible]
Dhía, cuirfiod mo dhóthchus ann.
3 Go deimhin saorsa sé thusa ó [illegible]
a nfíaghaidh, ón phláigh [illegible]
nigh.

4 [illegible]

[illegible] na sciathán soileochaidh sé thú,
[illegible] na sciathánaibh chuirfios tú do
[illegible]: is sciath, agus buicléir a
[illegible].
[illegible] Ni bhía faitchios ort air eagla na
[illegible], air eagla na soighde eitiollas
[illegible] lá:
[illegible] phláigh noch shiubhlas annsa dor-
[illegible], nó ón dioghaltas noch shiubhlas
[illegible] meadhón laói.
[illegible] Tuitfid míle ré do tháobh, agus
[illegible] míle ar do láimh dheis: ní thiuc-
[illegible] ad gharsa.
[illegible] A mháin lé do shúilibh do chífe tú,
[illegible] do chífir luáidheacht na neimhdhía-
[illegible].
[illegible] don Tighearna, mo dhaingionsa,
[illegible] is ro áirde, do rinne tú hionad
[illegible]dhe.
[illegible] bheansa áonolc riot, agus ni
[illegible] an phláigh a ccomhghar dot
[illegible].
11 Oir cuirfe sé dúalach air a ainglibh
[illegible]obhsa, dot choimhéad ann do
[illegible] uile.
12 Iomchoruid thú ann a láimh: deag-
[illegible]bheansadh do chos re cloich.
13 [illegible]ilteorair air an leomhan, agus air
[illegible]: do dhéanair saltairt air an
[illegible]óg, agus air an ndragún.
14 Do bhrígh go bhfuil grádh aige o-
[illegible] saorfa mé é: áirdeochád é, do
[illegible] go ráibh fios manma aige.
15 Guirfe sé orum, agus cluinfe
[illegible] é: atáimse aige iona bhuaidhreadh,
do [illegible]nad a shaoradh, agus a ghlóru-
[illegible].
16 Do dhéanad a ríar le fad laé-
[illegible], agus foillseochad mo shlánughadh
dhó.

P S A L M. XCII.

[illegible] fhoirbhcas lucht na beagcora, & [illegible] na bfirein.

[illegible], agus caintic do lá na saoire.

Is maith admháil do dhéanamh don
Tighearna, agus sailm do chanadh
[illegible] ainm, ó thusa is ro áirde:
2 Dfoillsiughadh do thrócaire air mai-
[illegible], agus thfírinne annsna hoidhchibh.
3 Air adhbha dheich ttéad, agus air
an tsálmcheolach, agus air an cclairsigh,
re guth árd.
4 Oir do rinne tú lúathgháireach mé,
a Thighearna, le hobairsi: do dhéan gáir-
[illegible] a ngníomhuibh do lámh.
5 Cred é méad hoibreach, a Thighear-
na! mar a ndubhaigéan atáid do smu-
[illegible].
6 Ni haithne do dhuine bhrúideamhuil,
agus ní thuigionn amadán so.
7 A nuáir fhásaid na ciontaidh mar
an bhféur, agus bhláithighid uile lucht
oibrighthe na hurchóide: is annsin scri-
[illegible] iad go siorruidhe.
8 Acht atá tusa árd go bráth a Thi-
ghearna.

9 Oir féuch do naimhde, a Thighear-
na, óir féuch do naimhde, meithfid siad:
spréidhfior lucht oibrighthe na hurchóide
uile.
10 Agus áirdeochthar madharcsa
mar Unicorn: ungfuighear mé ré hola
úir.
11 Agus do chífe mo shúil (mo mhían)
air mo naimhdibh; cluinfid mo chlúasa
na ciontuigh éirghios am adhuigh.
12 Bláithfigh an fíréun mar chrann
pailme, mar chrann Sédair a Lebanon
fásfuidh sé.
13 An lucht phlannduighthear a ttigh
an Tighearna, bláithfid siad a ccúirtibh
ar Ndénne.
14 Do bhéaraid fós toradh úatha a
naóis léith, méith agus úr bhéid
siad.
15 Dfoillsiughadh go bhfuil mo Thi-
ghearna, mo charraic, ceart, agus nach
bhfuil éaigceart ar bith ann.

P S A L M. XCIII.

Daingne righeachda Chriosd.

ATá an Tighearna a ríoghacht, atá
sé ar na éudughadh ré mórdhachd:
atá an Tighearna ar na éudughadh ré
neart, do chreasruigh sé é fein: atá an
saoghal fós ar na dhaingniughadh, go
nach féidir a chorrughadh.
2 Atá do chathaóir ríogha ar na dain-
gniughadh a nallód: ó shiorruigheachd
atá tusa.
3 Do thógbhadar na tuilte súas, a
Thighearna, do tógbhadar na tuillte
súas a nguth: tóigfid na tuilte súas a
ttonna.
4 Os cionn ghotha na nuisgeadh mór
núathbhasach, ós cionn mhonghair na
mara, is úathbhasach ós áird atá an
Tighearna.
5 Atáid thfiaghnuiseadh ro dhearbhtha:
is dot thigh is iomchubhuidh naómh-
thacht go bráth, a Thighearna.

P S A L M. XCIV.

Gearán um ráithe na ndrochdhaoine. 12 & tarbha tig ré smachdugh an Tighearna.

O A Thighearna Día, dar dúal dio-
ghaltas: ó a Dhé dar dual dio-
ghaltas, déalraidh amach.
2 Tóig thú féin súas, a bhreithimh na
talmhan, tabhair luáigheacht do nuái-
bhreach.
3 Cá fad do dhéanas an ciontach, a
Thighearna, cá fad do dhéanas an ci-
ontach caithréim?
4 [Ca fad] bhiáidh siad ag lúadh,
agus ag labhairt neithe cruaidhe? cá
fad bhiaid siad ag siorchaint an mhéid
oibrighios éagceart?
5 Brúighid siad do dhaoine, a Thi-
ghearna, agus buáidhrid siad hoighreachd.
6 Marbhuid siad an bhaintreabhach,
agus an duine coigriche, agus do níd feall
air an ndílleachda.
7 Agus a deirid siad, Ni fhaicfe
an Tighearna sin, ní thuigfidh Día Ja-
cob é.

 8 Tuigidhe

8 Tuigidhe, a bhrúideamhla a measg
na ndaoine, agus sibhsi a dhaoine lea-
mha, cá huáir bheithíse eagnuighe ?
9 An té shuighios an chlúas, nach
ccluinse sé ? an té chumas an tsúil,
nach bhfaicfidh sé ?
10 An té smachduighios na cineadh-
acha, nach ttiubhraidh sé achmhusan
uádh ! an té mhúinios éolus don duine,
[nach bía a fhios aige ?]
11 Is aithne don Tighearna smuáin-
tighe an duine, gur díomhaóineas íad.
12 Is sona an duine, a Thighearna,
noch smachduighios tusa, agus mhúineas
tú as do dhligheadh ;
13 Do thabhairt suaimhnis dó a lá-
ethibh a nuilc, nó go ttochaltar poll
don chiontach.
14 Oír ní theilgfidh an Tighearna
a dhaoine féin úadh, agus ní thréig-
fidh sé a oighreachd.
15 Oír fillfidh breitheamhnus chum
ceirt, agus leanfuid a nuile dhíreach
a cchroidhe é.
16 Cía éireochus súas ar mo shonsa
a naghaidh luchd déanta a nuilc ?
cía chuirfios é féin air mo shon a nagh-
aidh luchta oibrighthe na héagcóra ?
17 Acht muna bheith go raibh an
Tighearna na chungnamh agam, ní
mór nach bíadh manam san nuáidh.
18 A nuáir a dubhras, Sciorruidh
mo chos : do chonnaluinh do thró-
caire súas mé, a Thighearna.
19 A niomad mo smuáintighthe io-
nnam a stigh, do thaitnighiodar do
chomhshurtachda rem anam.
20 An mbía cumann riotsa ag cath-
aóir na hurchóide, noch chumas éaig-
ceart re dligheadh ?
21 Coimhcheanglaid íad féin a na-
ghaidh anma a nfiréin, agus dam-
nuighid an neimhchiontach.
22 Acht biáidh an Tighearna mar
chumhdach agamsa, agus mo Dhia mar
charraic mo dhídin.
23 Agus fillse sé orra féin a gcion-
ta, agus ann a nurchóid géarrfa sé
amach íad, sgriosfa an Thighearna
ar Ndía íad.

P S A L M. XCV.

Gan lorg na sinnsior do leanmhuin a ndroch chúis.

TAgaidh, déanam lúathgáire chum
an Tighearna, déanam fuáim ghá-
irdeach do charraic ar slánuighthe.
2 Tagam do lathair a aighthe ré
tabhairt buidheachuis, agus déanam fuáim
lúathgháireach chuige ré Salmuibh.
3 Oír is Dia mór an Tighearna, agus
Rígh mór ós cionn na nuile dhée.
4 Iona láimh atáid uile áite doimh-
ne na talmhan, agus áirde na ccnoc
iona chumhachtuibh.
5 Is leis an mhuir, agus é féin do
rinne í, agus do chumadar a lámha
an fearann tirim.
6 Tagaidh, déanam adhra, agus
cláonam : filliom ar ngláine ós coi[illegible]
an Tighearna ar ccruthuigheoir.
7 Oir is eisíon ar Ndía, agus [illegible]
pobal a innbhir, agus caóirigh a [illegible]
a niugh má éistighe a ghuth,
8 Ná cruáidhighe bhur ccroidhe, [illegible]
do rinneabhair a Meribah, amhail [illegible]
a lô Massah san bhfásach.
9 Mar ar chuireadar bhur [illegible]
cathughadh orum, do dhearbhuighe[illegible]
mé, agus do chonncadar moibreacha.
10 Do bhí mé dhá fhichid [illegible]
adhan air mo bhuáidhreadh [illegible]
nginealachso, agus a dubhras, Is [illegible]
seachránach a gcroidhe íad, agus [illegible]
bhaithne dhóibh mó shlightheacha.
11 Dar mhionnuighios [illegible]
nach rachaidís a steach dom [illegible]

P S A L M XCVI.

Atá Dia iongblórughadh, do chum [illegible] Hé bheir breath ar a ntsaoghal.

CAnuigh don Tighearna [illegible]
núadh : canuigh don Tighearna
a thalamh uile.
2 Canuidh don Tighearna, bennuigh-
idh a ainm : foillsighidh a [illegible]
adh ó ló go ló.
3 Innsighidh a measg na [illegible]
a ghlóir : a ionganta a measg [illegible]
phoibleach.
4 Oír is mór an Tighearna, agus
íonmholta go hiomarcach ; is [illegible]
é tair na huile dhée.
5 Oír is iodhail uile dhée na [illegible]
óine, acht isé an Tighearna do [illegible]
na neamhdha.
6 Atá glóir agus dathamhlachd [illegible]
a choinne : atá neart agus [illegible]
shanctóir.
7 Tuguidh don Tighearna, a chine[illegible]
na bpoibleach, tugaidh don Tighearna
glóir agus neart.
8 Tugaidh don Tighearna glóir dhá
ainm, tugaidh ofráil, agus tagaidh a
steach iona chúirtibh.
9 Adhraidh an Tighearna a [illegible]
a nàomhthachda : bíodh eagla [illegible]
roimhe, a thalamh uile.
10 Abraidhe a measg na [illegible]
Atá an Tighearna a rioghacht : [illegible]
gneochar fós an domhan, go nach
ccorróchar é : do dhéana sé breitheamh-
nus air na poibleachaibh a bhfíréuntachd.
11 Déindís na flaitheamhnuis gáir [illegible]
chus, agus bíodh lúathgháire air [illegible]
ttalamh ; déanadh an mhuir [illegible]
agus gach a bhfuil inte,
12 Lingiodh an magh le lúathgháir,
agus a bhfuil ann ; annsin lúathgh[illegible]
croinn na coilleadh,
13 Os coinne aighthe an Tighearna,
óir atá sé ag teacht, ag teacht [illegible]
dhéanamh breitheamhnuis air an [illegible]
amh ; do bhéara sé breith air a [illegible]
al a bhfíréuntachd, agus air na [illegible]
óinibh iona fhírinne féin.

PSALM XCVII.
[illegible] lucht adhartha na níodhal.
ATá an Tighearna a ríoghacht, bí-
odh lúathgháire air an ttalamh :
[illegible]dh a niomad oiléun gáirdeachus.
2 Atá néulla agus dorchadus fa ccu-
[illegible] na thimchioll: fíréuntachd & bre-
[illegible]amhnus is áit da chathaóir ríogha.
3 Téid teine roimhe, agus loisgfe
[illegible] a naimhde fa ccuairt na thimchioll.
4 Do shoillsigh a thinteach an domh-
[illegible], do chonnairc an talamh sin, agus
do chriothnuigh sé.
5 Do bhádar na sléibhte ar leaghadh
[illegible] céir air aghaidh an Tighearna :
ar aghaidh Thighearna na talmhan uile.
6 Foillsighid na flaithis a fhíréuntachd,
agus do chíd na daóine uile a ghlóir.
7 Go madh claóidhte bhéid síad
uile, noch do ní seirbhís díomháigh
[illegible], noch do ní íad féin aidh-
[illegible] as iodhalaibh : cláonuidh síbh
[illegible] dó, a dhée uile.
8 Do chúaluidh Sion, agus do bhí
[illegible] : do rinneadar inghiona
[illegible] [illegible], do bhrígh do breith-
[illegible], a Thighearna.
9 Oír atá tusa, a Thighearna, árd
ós cionn na talmhan uile, atá tú ar
[illegible]dh go mór ós cionn na nuile
[illegible].
10 A dhream ler bionmhuin an Ti-
[illegible], fuathuighesi an tolc : coimh-
[illegible] sé anmanna a náomh, saoruidh
sé iad as láimh an pheacaidh.
11 Do síoladh solus do nfíréun, agus
lúathgháire don díreach a ccroidhe.
12 Lúathgháirighidh annsa Tighear-
na, sibhsi a fhíréuna, agus moluidh
[illegible] a náomhthachda.

PSALM XCVIII.
*[illegible] na sáoice roimhe theachd Dé
go breitheamhnus.*
CAnaidh don Tighearna caintic nu-
adh ; óir do rinne sé neithe ion-
[illegible] : do thárthaidh a lámh dheas,
agus a rígh náomhtha é féin.
2 Do chuir an Tighearna a shlánugh-
adh a numhail ; a radharc na ccin-
[illegible]ach dfoillsigh sé a fhíréuntachd.
3 Do chuimhnigh sé a thrócaire, agus
a fhírinne do thigh Israel : do chon-
cadar téoranna na talmhan uile slán-
ughadh ar Ndéne.
4 Déan fuáim lúathgháireach chum an
Tighearna, a thaluimh uile ; déan fuáim
[illegible], déan gáirdeachus, & can salm.
5 Canuigh chum an Tighearna ris
an cclàirsigh ; ris an gclàirsigh, agus
ré guth salm.
6 Re trumpadhuibh, agus ré guth an
chornet, déanaidh fuaim lúathgháireach
ós choinne an Tighearna an Rígh.
7 Déanadh an mhuir mongar, agus
a hiomláine, an saoghal agus an
dream chomhnuighios ann.
8 Buáilidís na haibhne a mbasa fa
chéile, déaindís na sléibhte lúathgháire,
9 Os coinne an Tighearna : óir
atá sé ag teachd do bhreithe air an
ttalamh : do dhéana sé breitheamhnus
air an ttalamh ré fíréuntachd, agus air
na poibleachaibh ré ceart.

PSALM XCIX.
*Fúagra úmhla do Dhía ó gach daine,
arson a neart, lé a cheart lé trócaire.*
ATá an Tighearna a ríoghachd, bí-
odh criothnughadh air na poiblea-
cha : suighe sé idir na Cherubínibh,
corruigheadh an talamh.
2 Atá an Tighearna mór a Sion, & is
árd esion ós cionn na nuile phobal.
3 Molaidís hainm mór úathbhásach :
óir is náomhtha é.
4 Agus is ionmhuin ré neart an Rígh
breitheamhnus : daingnidh tú ceart, do
ní tu breitheamhnus & ceart ann Jácob.
5 Arduighidh an Tighearna ar Ndía,
agus déanaidh umhla ag stól a chos :
óir is náomhtha é.
6 Maóise agus Aaron a measg a
shagart, agus Samuel a measg na druinge
ghoirios air a ainm : do ghoireadar
air an Ttighearna, agus do chúala sé
iad.
7 A bpiléur neóill do labhair sé ríu :
do chonncadar a fhiagnuiseadha, agus
na reachda thug sé dhóibh.
8 O a Thighearna ar Ndíane, do chú-
ala tú iad : ad Dhía mhaithfeach do bhí
tú dhóibhsion, acht cheana ag déanamh
dioghaltais air a naindlighthibh.
9 Arduighidh an Tighearna ar Ndí-
ane, agus déanuidh umhla chum a chnuic
naomhtha : óir is naomhtha an Tigh-
earna ar Ndíane.

PSALM C.
*Fúagra buidheachuis don chruthaighthe óir lé
háiteas, ó nuile dhuine iona theampull.*
DEanaidh fuaim lúathgháireach
chum an Tighearna, a thalamh uile.
2 Déanuidh seirbhís don Tighearna
re lúathgháire : tigidh ós coinne a
aighthe ré gáirdeachus.
3 Bíodh a fhios agaibh gur bé an
Tighearna is Día ; isé do rinne sinne,
agus ní sinn féin ; is sinne a dhaoine,
agus caóirigh a innbhir.
4 Lingidh a steach ann a gheatuigh-
ibh maille ré tabhairt buidbeachuis,
iona chúirtibh lé moladh : molaidh é,
agus beannuigh a ainm.
5 Oir is maith an Tighearna ; is
síorruidhe a thrócaire, agus a fhírinne
ó ghinealach go ginealach.

PSALM CI.
*Móid lé rún Dháibhi mar dheagh cheann-
muintir.*
Psalm Dháibhi.
TRócaire agus breitheamhnus chan-
fas mé ; dhuitse, a Thighearna,
chanfas mé salm.
2 Tuigfe mé a slighe iomláin cá huáir
thiocfas tú chugam : siubholad a ndiogh-
ruis mo chroidhe a meadhón mo thighe.
3 Ní chuirfiod cúis urchóideach ar
bith

bith ós coinne mo shúl : is beag orum
gníomhartha na ndaoine noch chláo-
nas ; ní cheangoluidh sé dhíom.
4 Deileochuidh croidhe síochmhar
leam : ní aithneocha mé droch dhuine.
5 An té scannluighios a chomharsa ós
ísiol, géarrfad eision amach : an tár-
rachta a radharc, agus an tuáibhreach a
ccroidhe, leision ní fhéaduim iomchar.
6 Biáid mo shúile ar dhaóinibh firin-
neacha na talmhan, iondus go naitrea-
bhuid am fhochair : an tí shiubhlus a
slighe iomláin, is é do dhéanas serbhis
damhsa.
7 Ní dhéana sé áitreabh ann mo thigh
noch do ní cealg : an té do labhras bréa-
ga, ní dhéana comhnuidhe ós coinne
mo shúl.
8 Sgriosfa mé go moch uile chionn-
tuigh na talmhan: iondus go ngéarrfa mé
amach ó chathruigh an Tighearna gach
a noibrigheann éigceart.

PSALM CII.

An cuigeadh Psalm Aithrighe.

Urnaigh ar son duine bhuaidheartha, an
tan bhios sé ar na shárughadh, agus
dhóirtios a ghearán ós cóinne an
Tighearna.

A Thighearna, cluinn murnaigh, agus
tigeadh mo chomhairc chugadsa.
2 Ná foluigh hadhuigh orum annsa
ló a mbíad a mbuáidhreadh, cláon
chugam do chlúas : annsa ló ghairfios
mé, freagair mé go lúath.
3 Oír do cnaóidheadh mo láethe mar
dheatach ; agus atáid mo chnámha ar
na losgadh mar thinntéan na teineadh.
4 Atá mó chroidhe ar na bhúaladh,
agus crion mar fhéur : óir do dhear-
maid mé marán dithe.
5 Do bhrigh gotha mo chneaduigh
ceangluid mo chnámha dom fheóil.
6 Is cosmhuil mé ris an bpelicán ann-
sa díothramh : atáim mar ulchabhcan
na nuáigneas.
7 Do ním faire, agus atáim mar gheal-
bhonn na áonar air mhullach an tighe.
8 Scannluighid mo naimhde mé air
feadh an laói : an drong atá ar meire
am aghaidh, atáid air a mionnuibh am
aghaidh.
9 Oír a duáigh mé luáith amhuil a-
rán, agus do chomuisg mé mo dheoch
ré gul :
10 Do bhrigh thfeirgesi agus thfio-
cha : óir do chuir tú súas mé, agus do
theilg tú síos mé.
11 Is cosmhuil mé re scáile, noch
théarnuighios : agus atáim amhuil féur
ar ccríonadh.
12 Acht tusa, a Thighearna, mair-
fir go síorruidhe, agus do chuimhne ó
ghinealach go ginealach.
13 Eireocha tú, do dhéana tú tró-
caire ar Shion : óir atá aimsir grása
do dhéanamh uirrthe, a nuáir chinnte,
ar tteacht.
14 Oír atá dúil ag do sheirbhísea-
chaibh iona clochaibh, agus do níd tru-
áighe dá luáithreadh.
15 Ionnus go mbia eagla air na ciní-
tibh roimhe ainm an Tighearna, agus
air uile Ríghthibh na talmhan roimhe
do ghlóir.
16 A nuair chuirfeas an Tighearna
Sion súas, do chithfighear iona ghlóir é.
17 Dearcfuidh sé air urnaigh na ná-
rísiol, agus ní tharcuisfigh sé a nguidhe.
18 Scríobhthar so don ghinealach
thiocfas : agus na daóine chruithéochar-
thar, molfuid an Tighearna.
19 Oír dféuch sé a núas ó áirde a
náomhthachda, do chonnairc an Tigh-
earna ó na neamhuibh, an talamh :
20 Chum go ccluinfeadh éagnach a
phríosúnaigh, go scaóileadh sé clann
an bháis ;
21 Dfoillsiughadh anma an Ti-
ghearna a Sion, agus a mholadh ann
Ierusalem.
22 Mar chruinneochtar na daóine a
néinfheachd, agus na ríoghachda chum
seirbhíse do dhéanamh don Tighearna.
23 Do bhuáidhir sé mo neart ann-
tslighe, do ghearraidh sé mo laéthe.
24 A dubhairt mé, O mo Dhía, na
beir as mé a meadhonn mo laéthe :
tré ghinealach na nginealach atáid do
bhlíadhnasa.
25 O thosach do shuighidh tú bunáit
na talmhan : agus siad na flaithis oibrea-
cha do lámh.
26 Meithfid siad, acht mairfe tú :
rachaid uile a ccaitheamh mar éadach ;
mar chulaidh do dhéanair a malairt,
agus biáid ar na niomlaóid.
27 Acht is tusa an tí céadna, agus
ní críochnochthar do bhlíadhna.
28 Coimhneochuid clann do sheirbhí-
feach, agus daingneochar a síol ad
fhiaghnuisi.

PSALM CIII.

Gairdeachus an anam déis a shásughadh go mòr le grásaibh Dè.

Psalm Dhaibhi.

BEannuigh, ó manam, an Tighearna,
agus mo íonathar uile a ainm
náomhtha.
2 Beannuigh, ó manam, an Tighearna :
agus ná dearmaid a thiodhlaicthe uile.
3 Noch mhaithios do chionnta uile ;
noch leighisios huile easláintighe.
4 Noch fhúasglas hanam ó scrios :
noch chuirios coróin mhaitheasa agus
thrócaireadha chinéulta ort.
5 Noch sháfuighios do bhéul ré
maith : ata hóige ar na hathnúaghadh
mar iolar.
6 Do ní an Tighearna ceart agus
breitheamhnus do gach áon a leathtrom.
7 Dfoillsigh sé a shlightheacha do
Mhaóise, a oibreacha do Chlannaibh
Israel.
8 Atá an Tighearna grásamhuil agus
lán do thruáighe, fad fhuilingeach, agus
diomad trócaire.

9 Ní bhiáidh ſé choidhche a nimrea-
ſaid, ni mó chuinneochus ſé a fhearg
go ſiorruidhe.
10 Ní do réir ar ccionta do rinne ſé
dúinn, agus ní do réir ar néigceirt thug
ſé luáidheacht dúinn.
11 Acht mar atá áirde na neamh
ós cionn na talmhan, atá a oineach
comhmór ſin don lucht air a bhfuil a
eagla.
12 Comhfhad atá a náird ſhoir ó
náird ſhíar, do chuir ſé ar bpeacuidhe
uainne.
13 Mar bhios truáighe ag athair
dá chloinn, is marſin atá truáighe ag
an Tighearna don lucht air a bhfuil a
eagla.
14 Oír is aithne dhó ar bhfoirm,
cuimhnigh ſé gur luáithreadh ſinn.
15 An duine, mar an bhféur atáid a
láethe, mar bhláth an mhagha is marſin
bhíos ag bláthughadh.
16 Oír téid an ghaoth thairis, agus ni
bhfuil ſé ann, agus ní aitheonuidh a
ionad féin é ó ſin amach.
17 Acht atá trócaire an Tighearna ó
ſíorruidheacht go ſiorruidheacht air an
lucht air a bhfuil a eagla, agus a fhíré-
antachd, do mhacaibh mac:
18 Don lucht choimhéudas a chunn-
radh: don lucht chuimhnighios a aith-
eanta, dá ndéanamh.
19 Do ſhuighidh an Tighearna, a
chathaóir ríogha ar neamh, agus atá a
ríoghacht ag ríaghlughadh ós cionn a
uile.
20 Beannuigheſi an Tighearna, a ain-
gle féin, noch atá árrochda a neart,
ag comhall a aitheanta; ag tabhairt
aire do ghuth a bhreithre.
21 Beannuighe an Tighearna, a ſhlu-
aghtha uile, a luchd fritheóilte noch
do ní a thoil.
22 Beannuighe an Tighearna a oibrea-
cha uile annſa nuile áit da thighearnas:
beannuigh, ó manam, an Tighearna.

PSALM. CIV.

Teagaſc ar mhóir-neithibh Nádurdha, & ar Fhreaſdal Dé.

BEannuighe an Tighearna, ó ma-
nam: ó a Thighearna mo Dhia
atá tú ro árrachta re honóir, agus re
mórdhachd atá tú éaduighthe.
2 Ag cur ſholuis mar éadach ort,
ag ſíneadh na bhflaitheas amach mar
chúirtín.
3 Noch chuirios annſna huiſgeadhuibh,
a ſheomruidhe úachtaracha; noch do ní
a charbad do na néulluibh, noch ſhiubhlas
ar ſciathanuibh na gaóithe.
4 Ag déanamh ſpiorad dá ainglibh:
teine laſamhuil da mhiniſtribh.
5 Noch ſhuighios an talamh air a
fhulangaibh, go nach ccorrochuigh é
go bráth.
6 Ris a ndubhaigeán mar bhrát
dfoluigh tú é: ós cionn na ſliabh do
ſheaſadar na huiſgeadha.
7 Od achmhuſanſa do theithiodar: ó
ghuth do thóirnighe do dheithfrigheadar
rompa.
8 Tiaghaid na ſléibhte ſúas, tigid na
gleanta a nuas chum a nionaid dórduigh
tuſa dhóibh.
9 Do chuir tú téora cinnte, noch nach
ſáireachuid ſiad: go nach fhillſid ſiad
dfolach na talmhan.
10 Noch chuirios toibreacha ann ſna
gleanntaibh, idir na cnocaibh ſiubhluid
ſiad.
11 Do bheirid deoch duile ainmhidhe
an machaire, coiſgid na haſſail fhíadh-
ta a ttart.
12 Na bhfochair ſo chomhnuighios
éanlaigh a naiéir, a meaſg na mbean-
gán do bheirid a nguth.
13 Fliuchuidh ſé na cnuic ó na ſheom-
ruidhibh úachtarach: ré toradh hoib-
reachſa do líonadh an talamh.
14 Do bheir ſé air an bhféur fhás do
náirnéis, agus an luibh chum maitheaſa
an duine: chum aráin do thabhairt
amach as an ttalamh:
15 Noch do gháirdighios croidhe an
duine re fíon, bheir ar aghaidh deilru-
ghadh re hola, agus neartuighios croi-
dhe an duine re harán.
16 Atáid croinn an Tighearna ſá-
ſuighthe, ſéadair Lebanon noch do
phlanntoigh ſé.
17 Mar an ndéanuid a néanlaith a nead:
an ſtorc, iſé an crann giumhais a thigh.
18 Na cnoic árda is dídean do na
gabhraibh fiadhta, agus na cairge do na
coinínibh.
19 Do rinne ſé an ghealach chum aim-
ſiorrdhacht; is aithne don ghréin a
dhul faoí.
20 Cuiridh tú dorchadas, agus biáidh a
noidhche ann: is annſin ſhnáighid amach
uile bheathuigh állta na coilleadh.
21 Na leomhuin ag búirfidhe chum a
a gcreiche, ag íarruidh a mbídh ó Dhía.
22 Eirghe an ghrían, tigid ſiad ar a
nais, agus luighid iona nuámhuibh.
23 Rachaidh an duine amach chum
a oibre, agus chum a ſháothair go trath-
nóna.
24 Ca líon hoibreacha a Thighearna?
a neagna do rinne tú íad uile: atá an
talamh lán dot ſhaidhbhrios.
25 A nfairge fós adhbhal thairſing ann-
ſin atá gach ní ſhnáighios, agus ataid dó-
áirmhe, beathuighe bheaga agus mhóra.
26 Annſin imthighid na longa, an
míol mór, noch do chruthaigh tuſa do
ſhúgradh annſin.
27 Feichthid ſiad uile ortſa, chum a
mbeatha do thabhairt dóibh iona ham
féin.
28 Do bheir tuſa dhóibh é, & cruin-
nighid ſiad é: foſclaidh tú do lámh,
agus ſáſuighear íad re maith.
29 Folchuigh tú hadhuigh, agus ataid
ſiad buaidheartha: tairnge tú a nanál
air a hais, agus éagaid ſiad, agus fillid
chum a luaithrigh féin. 30 Cuirig

30 Cuirir do spiorad uáid, agus cruthuighear iad, agus athnuaidhthear aghaidh na talmhan.

31 Biodh glóir an Tighearna go síorruidhe! do dhéanaidh an Tighearna lúthghaire iona oibreachaibh.

32 Féuchuidh sé air an ttalamh, agus criothnuigh sé: beanuidh sé leis na sleibhtibh, agus do níd deatach.

33 Canfad don Tighearna an ccéin mhairsiod: canfad salm don Tighearna an ccéin bhíad ann.

34 Bu milis mo smuáintighthe dha thaobhsan: do dhéanad gáirdeachus ansa Tighearna.

35 Go scriostar na peacaich amach as an ttalamh, agus na raibh na cionntuigh ann nios mó: beannuigh, ó manam, an Tighearna: beannuighe sibhsi an Tighearna.

PSALM. CV.

Dioghluim as Eachdardhaibh Israel, mar ath-chuimhne ar mhirbhuiltibh Dé.

TUgaidh buidheachus don Tighearna; goiridh air a ainm; foillsighidh a measg na gcineadhach a ghníomhartha.

2 Canuidh dhó, canuidh psalm dhó: labhruidh air a iongantuibh uile.

3 Déanuidh glóir iona ainm náomhtha: déanadh a gcroidhesion gáirdeachus noch shirios an Tighearna.

4 Iarruidh an Tighearna, & a neart: iarruidh a aghaidh a gcomhnuidhe.

5 Cuimhnighidh a ionganta, noch do rinne sé, a chomharthadha & breitheamhnuis a bhéil.

6 Sibhsi, a shíol Abrahaim a sheirbhíseach, sibhsi a chlann Jacob, a aon toghtha.

7 Is eision an Tighearna ar Ndia: ataid a bhreitheamhnuis annsa talamh uile.

8 Cuimhnighidh sé go síorruidhe a chunnradh: an bhriathar noch do aithin sé go feadh míle ginealach;

9 Noch do cheangail sé le Abraham, agus a mhionna do Isaac.

10 Agus do dhaingnidh sé é do Jácob mar dhligheadh, do Israel mar chunnradh síorruidhe.

11 Ga rádh, Dhuitsi do bhéaras misi talamh Chánáan: líne bhur noighreachta.

12 A nuáir do bhádar beagán daóine; ro bheagán, agus na gcoigcríochaibh andsin.

13 Agus do shiubhladar ó chineadh go cineadh: ó ríoghachd go daoinibh oile.

14 Níor fhulaing sé déanduine éagcoir do dhéanamh orra, acht thug aithfior air a son do Ríghthibh:

15 Ga rádh, Ná beanaidh lém ungthachaibh; agus dom fháighibh na déanuidh dochar.

16 Agus do ghoir sé gorta air an ttalamh, agus do bhris sé a nuile stór aráin.

17 Agus do chuir sé duine rompa: Joseph, noch do díoladh mar sheirbhíseach.

18 Do ghortuigheadar ris an ngeimhlibh a chosa: do cuireadh a níarann é.

19 Gus a nam a ttáinic a bhriathar do dheárbh glór an Tighearna é.

20 Dfuagair an Rígh, agus do fuasgladh é, úachtarán na ndaoine, agus do leig é saor úadh.

21 Do chuir sé é na thighearna ar a thigh, agus na úachdaran iona shealbhuibh uile.

22 Do cheangail a phrionnsoidhe ar a thoil féin, agus a chomhairleacha, chum go ndéanadh eagnuidhe iad.

23 Agus do chuaidh Israel don Négipt, agus do chomhnuidh Jácob a ttalamh Cham.

24 Agus thug air a dhaóinibh méadughadh go mór: agus do rinne iad ní ba láidre ná a naimhde.

25 Do iompóigh sé a ccroidhe chum a dhaoine dfúathughadh, agus chum meabhla do dhéanamh air a sheirbhíseachaibh.

26 Do chuir sé úadh Maóise, a sheirbhíseach, agus Aaraon noch do thogh se féin.

27 Do chuireadarsan iona measg briathra a chomharthadh, agus a ionganta a ttalamh Cham.

28 Do chuir sé dorchadas chuca, agus do bhí sé dorcha, agus níor cheannairgeadar a naghaidh a bhréithre.

29 Do iompoigh sé a nuisgeadha a bhfuil, agus do mharbh sé a níasg.

30 Thug a ttalamh amach luighionna go líonmhar, a seomradhaibh todhla a Ríghthe.

31 Do labhair sé, agus thainic cumasg do chuiléoguibh, míola iona ttéorannuibh uile.

32 Do rinne sé cloichshneachda da gceathaibh; teine lásardha iona ttalamh.

33 Agus do bhuáil sé a bhfíneamhain, agus a ccrann fíge, agus do bhris sé crainn a leithimil.

34 Do labhair sé, agus tháinic an lócuist, agus an caterpiller, agus níor bhféidir a náiriomh.

35 Agus a duádar a nuile luibh iona ttalamh, agus a duádar súas toradh a bhfearuinn.

36 Agus do bhuáil sé a gcéidgheine iona ttalamh, tosach a neirt uile.

37 Agus thug sé leis amach iad maille re hairgiod, agus ré hór; agus ní raibh duine meirtneach ann a tteabhuibh.

38 Do bhi an Négipt lúathgháireach a nuair do imgheadar: óir do thuit a neagla orra.

39 Do leathnuigh sé néull mar fholach, agus teine, do thabhairt solais fa noidhche.

40 Díarradar, agus thug se chuctha na gearragoirt: agus do shásuidh sé iad re harán ó neamh.

41 Dfosgail

41 Dfosgail sé an charraic, agus do sileadar na huisgeadha amach: do reathadar a náitibh tiorma mar [illegible].

42 Oír do chuimhnigh sé bríathar a [illegible]thachda do Abraham a sheirbhi[illegible].

43 Agus thug se leis amach a mhuin[illegible] lé gáirdeachas, a dháoine toghtha lé lúathghháire.

44 Agus thug sé dhóibh fearann na [illegible]eadhach; agus do ghabhadar [illegible] na ndaoine mar oighreachd.

45 Iondus go ccongmhaidís a reachda, agus go ccoimhéadaidís a dhlighthe. [illegible] an Tighearna.

PSALM. CVI.

[illegible] thabhartuis Dé, 13 & [illegible] na ndaoine.

Mholaidhe an Tighearna, óir is maith é; óir mairidh a thrócaire go [illegible].

2 Cía fhéadas neart an Tighearna [illegible], a mholadh uile dfoill[illegible]?

3 Is sona an drong noch choimhéadas breitheamhnus, an tí do ní fíréuntas [illegible] am.

4 Cuimhnigh orumsa, a Thighearna, [illegible] do dhaoine: fiosruigh mé [illegible] shlánughadh:

5 Ionnus go bhfaice mé maith do [illegible] toghtha, go ndéana mé gairdeachas a lúathghháire do dhaoine: go ndéana mé glóir led oighreachd.

6 Do pheacuigheamar lé ar naithribh, do rinneamar cionta, do rinneamar neithe cúirbpe.

7 Nior thuigeadar ar naithre do mhíorbhuilesi san Négipt, níor chuimhnigheadar iomad do thrócaireadha: acht do cheannairgeadar ag an muir, ag an muir ruáidh.

8 Acht cheana do sháor sé íad ar son a anma féin, chum a chumhachd do chur a numhuil.

9 Agus dimdhearg sé an mhuir rúadh, agus do tiormuigheadh súas í: agus tugadh orrafan siubhal annsna haigéanuibh mar an ndiothramh.

10 Agus do sháor sé íad ó na lámhuibhson, noch do fhúathaigh íad: agus dfuasgail sé íad amach as láimh na [illegible].

11 Agus dfoluigh na huisgeadha a [illegible]: níor fágbhadh áon aca.

12 Annsin do chreidiodar a bhríathra, do chanadar a mholadh.

13 Do dhearmadar go doith a oibreacha: níor fhanadar le na chombairle.

14 Agus do rinneadar anntoil ré [illegible] san díothramh, agus do [illegible] cathughadh air Dhia annsa [illegible].

15 Agus thug sé dhóibh a níarratas; acht do chuir crúas a sleach iona ccroidhe.

16 Agus do thnúthuigheadar re Maóise annsa champa, agus ré Aaron áon náomhtha an Tighearna.

17 Dfosgail an talamh, agus do shluig sé Dátan, agus dfoluigh sé coimhthionól Abíram.

18 Agus do fadaigheadh teine iona ccomhdháil, do loisg an lasair súas na ciontuigh.

19 Do rinneadar láogh ann Hóreb, & do adhradar don[íomháigh] leaghtha.

20 Agus do áthruigheadar a nglóir a gcosamhlachd dhaimh, noch ithios féur.

21 Do dhearmadar Día a slánaightheóir, noch do rinne neithe móra san Négipt:

22 Ionganta a ttalamh Cham, neithe úathbhásacha ag an muir ruáidh.

23 Agus do labhair sé dá milleadh, mun bheith gur sheas Maóise a fhear toghtha annsa mbeirn ós a choinne, diompógh a fheirge úatha, deagla go sgriosfadh sé íad.

24 Agus do tharcuisnigheadar an talamh áoibhinn: níor chreideadar 'a bhriathar:

25 Agus do rinneadar ithiomrádh iona bpáilliunuibh, níor éisteadar re guth an Tighearna.

26 Agus do thóig seision súas a lámh na naghaidh, da sgrios annsa díothramh.

27 Do sgrios a sleachda mar an ccéadna a measg na gcineadhach, agus da spréaghadh annsa dúthaigh.

28 Agus do cheangladar íad féin ré Baal-peor, agus dithiodar íodhbhartha na marbh.

29 Agus do bhrosluigheadar é le na ngníomhuibh, agus do bhris an phláigh a steach orra.

30 Agus déirghidh Phineas súas, agus do chuir breitheamhnus a ccrích, agus do toirmiosgadh an phláigh.

31 Agus do measadh sin dó mar fhíréuntachd, ó ghinealach go ginealach.

32 Agus do bhrostuigheadar é ag uisgeadhuibh Meribah, agus do bhí sin go holc ag Maóise air a sonsan.

33 Do bhrígh gur bhrostuigheadar a spiorad, agus gur labhair sé go neimhcheillighe lé na bhéul.

34 Nior mhilliodar na cineadhacha, da ttáobh a ttug an Tighearna aithne dhóibh.

35 Acht do choimhmeasgadar íad féin leis na cineadhachaibh, agus do rinneadar a noibreacha díoghluim.

36 Agus do adhradar dá niodhalaibh, agus do bhádar dóibhsion mar phaintéar.

37 Agus do íodhbradar a mic agus a ninghiona do dhíabhluibh.

38 Agus do dhóirteadar fuil neimhchiontach, fuil a mac agus a ninghean, noch do íodhbradar do dhíabhluibh Chánáan, agus do bhí an talamh ar na thruailliughadh le fuil.

39 Agus do bhádar ar na salchadh le na noibreachaibh, & do chúadar re

méird-

meirdreachus le na naigiontaibh féin.

40 Agus do bhí an Tighearna feargach le na dhaóinibh, agus dfúathaigh sé a oighreacht féin.

41 Agus thug sé íad a láimh na gcineadhach, agus do bhádar fo na ttighearnuibh ós a gcionn, agá raibh fúath orra.

42 Agus do bhrúigheadar a naimhde íad, agus do bhádar ar na numhlughadh faoi na láimh.

43 Do shaor sé íad go minic, agus do bhrostuigheadar é le na ccomhairlibh, & do hísligheadh íad ar son a gcionta.

44 Acht gidheadh do chonnairc sé an tan do bhíodh anacair orra, a nuáir do chúalaidh sé a néighmhe.

45 Agus do chuimhnigh sé dhóibh a chunradh: agus do bhí aithreachus air do réir iomad a thrócaire.

46 Agus thug sé air gach áon dá rug léo íad a mbraighdionas, truaighe do dhéanamh dhóibh.

47 Sáor sinn, a Thighearna ar Ndía, agus cruinnigh sinn ó na cineadhachaibh, chum buidheachus do thabhairt dot ainm náomhtha, agus do chaithréimiughadh ann do mholadh.

48 Go madh beannuigh bhías an Tighearna Día Israel ó shíorruigheachd go síorruigheacht; agus abraidís na daóine uile, Amen. Moláidh an Tighearna.

P S A L M CVII.

Modh bhreith buidheachuis do Dhia arson a shuasgailte as gach cumhgach.

MOluidhsi an Tighearna, óir is maith é; óir mairigh a thrócaire go bráth.

2 Abraidís an dream noch dfúasgail an Tighearna, noch dfúascail sé ó láimh na daóirse.

3 Agus do chruinnigh íad as na críochaibh, ó náird shoir, agus ó náird shíar, agus ó náird thuáigh, agus theas.

4 Do bhádar ar seachrán annsa bhfásach a slighe uáignidh; caithreacha áitreibhthe ní bhfúaradar.

5 Ocrach mar an gcéadna, agus tartmhar, do lagaidh a nanam ionta.

6 Agus do gháireadar chum an Tighearna iona nanacair, do sháor sé íad ó na gcumhgach.

7 Agus do thréoruigh sé íad a slighe dhírigh, do dhul go cathruigh áitrighthe.

8 Admhuighdís don Tighearna a thrócaire, agus a ionganta do chloinn na ndáoine.

9 Oír sásuidh sé an tanam tartmhar, agus líonuidh sé an tanam ocrach lé maith.

10 An lucht so noch shuighios a ndorchadus, agus a sgáile an bháis, cuibhrighthe a mbuáidhreadh, & a niarann:

11 Do bhrígh gur chathuigheadar a naghaidh bhríathra Dé, & gur tharcuisnigheadar comhairle an té is áirde:

12 Ar a nadhbharsin thug seision a ccroidhe a nuas tré buaidhreadh, do thuislighiodar, agus ní raibh fe[illegible] bhfurtachd.

13 Agus déigheadar chum an T[illegible]earna iona mbuáidhreadh, do [illegible] íad ó na gcumhgach.

14 Agus thug sé amach íad a[illegible] chadus, agus scáile an bháis, [illegible] bhris sé a ccuibhrighthe.

15 Molaidís an Tighearna air [illegible] thrócaire, agus a iongantа do [illegible] na ndáoine.

16 Oír do bhris sé na geatadha [illegible] agus do ghearr sé na barradha [illegible]

17 Buáidhearthar amadain do [illegible] a naindlighe, & do bhrígh a [illegible]

18 Dfúathaigh a nanam a [illegible] adh; tigid a ngar do dhoirsibh a[illegible]

19 Agus do gháireadar chum a[illegible]ghearna iona nanacair, ó na [illegible]gach do shaor sé íad.

20 Do chuir sé a bhríathar [illegible] agus do leighis íad, agus do [illegible]thuigh sé íad ó na milleadh.

21 Admhuighdís don Tighearna [illegible] thrócaire, agus a íonganta do [illegible] na ndaóine.

22 Agus íodhbraidís íodhbartha [illegible]ta, agus foillsighidís a oibreacha [illegible] lúathgháire.

23 An lucht théid síos chum a[illegible] fairge a lungaibh, noch do [illegible] nobair a nuisgeadhuibh móra:

24 Do chíd oibreacha an Tighearna, agus a ionganta annsa naigéan.

25 Oír aithnighionn seision, agus [illegible]fuidh gáoth anfadhach, agus [illegible] súas a thonna sin.

26 Rachaid súas go nuige neamh; [illegible]chaid síos gus a naigéan: leaghaidh a nanam tre bhuáidhreadh.

27 Iompoighid, agus gabhaid [illegible] mar fhear meisge, agus atá a n[illegible] uile ar na shlugadh.

28 Annsin gáirid chum an Tighearna ar tteacht uilc chuca, agus do bhéaraidh amach íad ó na gcumhgach.

29 Tráothfuidh an tanfadh a c[illegible]nas; agus béid a ttonna sin na [illegible]nuighe.

30 Agus béid lúathgháireach [illegible] bhrígh go mbéid síad [illegible]; agus tréorochuidh íad go cúan a [illegible]

31 Admhuighdís don Tighearna [illegible] oinéach, agus a ionganta do chloinn na ndaóine.

32 Agus móruighedís é a gcoimh[illegible]thionól na ndaóine, agus a [illegible]suighe na sinnsior molaidís é.

33 Iompóighe sé aibhne a mbá[illegible] agus toibreacha uisge a ttart.

34 Fearann tórthach a ngorta [illegible] corbaidh an luchta noch áitrighios [illegible]

35 Iompoighe sé fásach a loch [illegible] águs fearann tirim a ttoibribh [illegible] uisge.

36 Agus cuiridh na hocraigh [illegible] ccomhnuighe annsin, go nullmh[illegible] cathair chum áitreibhthe.

37 Agus go ccuirid machaireadha, a-
gus go ndéanaid fíneamhna, agus do
[illegible] turadh bisigh.
38 Agus beinneochuidh sé íad, agus
[illegible] chaidh go mór agus ní laighdeo-
[illegible] sé a neallach.
39 Agus a rís laghduighear íad, agus
[illegible] cearthar a nuas íad le sarúghadh,
[illegible], agus le doilghios.
40 Doirtigh sé tarcuisne air phri-
[illegible] ghibh, agus do bheir orra bheith
[illegible] seachrán annsa bhfasach, mar nach
[illegible] slighe ar bith.
41 Agus tóigse sé súas an bocht ó
[illegible], agus do ni sé muinteara dhó
mar thréad.
42 Do chife an fíréun sin, agus
[illegible] lúathghaireach, agus druidfe a
[illegible] éigceart a bhéul.
43 Cia atá críonna, agus bheirios
[illegible] so dá aire? agus tuigfidh síad
[illegible] grádhach an Tighearna?

PSALM. CVIII.

[illegible] De tuille meisneach & neart a Dhaibhi.

Caintic agus Psalm Dhaibhi.

ATá mo chroidhe ollamh, a Dhé, can-
fad, agus canfad salm go háirighe,
[illegible] mo ghlóir.
2 [illegible] a chláirseach, & a shitirn;
[illegible] misi ar maidin.
3 Molfa mé thú a measg na ndaóine,
a Tighearna: canfad salm dhuitsi a
[illegible] na gcineadhach.
4 Oir is mór do thrócaire ós cionn
na [illegible], agus thfírinne go nuige na
[illegible].
5 Bí ar hárdughadh ós cionn na
[illegible], a Dhé, agus ós cionn na tal-
mhan uile do ghlóir.
6 [illegible] go saorthaói háos grádha, saor
le do láimh dheis, agus freagair mé.
7 Do labhair Día iona náomhthachd
do dhéanad lúathgháire, roinnfiod Se-
chem, agus toimheosad gleann Sucot.
8 Is liomsa Gilead, agus is leam Ma-
nasseh, & is é Ephraim neart mo chinn, is
é Iudah do bheir mo dhligheadh úadh.
9 Moab mo phota ionnlaith, teilgfiod
mo bhróg tar Edom, agus do dhéanad
caithréim ós cionn Phalestina.
10 Cia bhéaras mé go cathraigh an
[illegible]? cia thréorochus mé go Hédom?
11 Nach déana tusa, a Dhe, noch do
[illegible] uait sinn? agus nach racha tù
amach, a Dhé, lé ar slúaghaibh?
12 Tabhair cabhair dhúinn ó bhuáidh-
readh, óir is díomhaóin furtachd an duine
13 A Ndía do dheanam gaisge, agus
[illegible] saltéraidh seision síos ar naimhde.

PSALM. CIX.

[illegible] ar scrios a namhad nimhneach, mar [illegible] ar Iúdas.

Don phrímhfhear ceóil Psalm Dháibhi.

O A Dhé mo mholta, ná bí ad
thocht.
2 Oir atá béul a nurchóidigh, agus
béal na gcangaide fosguilte am aghaidh:
labhruid síad am aghaidh le teangaidh
bhréagaidh.
3 Agus ré bríathraibh fúathmhara do
ghabhadar am thimchioll, agus cathui-
gid am aghaidh gan adhbhar.
4 Ar son mo ghrádha atáid na neas-
cáirde agam, agus misi ag urnaigh.
5 Agus do thoirbhriodar dhamh olc a
naghaidh maitheasa, agus fúath ar son
mo ghradha.
6 Suighidhse an ciontach ós a chionn,
agus seasadh Sátan air a láimh dheis.
7 A nuáir bheirthior breath air, dam-
nuighthear é, agus iompoighthear a ur-
naigh a bpeacadh.
8 Go madh gann a laéthe, & gabhadh
duine oile a oifig.
9 Bíodh a chlann na ndílleachdaibh,
agus a bhean na baintreabhaigh.
10 Agus bíodh a chlann ar seachrán
do ghnáth, agus ag íarruidh déirce,
agus agá íarruidh as a náitibh uaig-
neacha.
11 Glacadh fear na bhfíach an mhéid
atá aige, agus creachaidís coigcrichidh
a shaothar.
12 Ná bíodh ann duine do shínfeadh
oineach chuige, & na bíodh áon do thais-
beanadh trócaire dá chloinn gan athair.
13 Géarrthar a shliocht úadh, & a ngi-
nealach oile scriostar amach a ainm.
14 Bíodh peacuighe a aithreadh ar
cuimhne ag an Ttighearna, agus ná scrios-
tar amach cionta a mhathar.
15 Bídis do lathair an Tighearna do
ghnáth, go ngearra sé amach a ccuimhne
don talamh.
16 Do bhrígh nár chuimhnigh sé cinéul
dfoillsiughadh, achd go ndéarna ainlean-
mhuin air an duine mbochd mbuaidh-
eartha, ionnus go muirfeadh sé an duine
tuirseach a ccroidhe.
17 Mar do ghradhuigh sé easgaine,
agus tigeadh sí air: mar nach raibh
dúil aige a mbeannughadh, bíodh sin a
bhfad úadh.
18 Mar déaduigh sé é féin le heasg-
caine mar a chulaidh: imthigheadh sin
mar uisge a steach iona mheadhón, agus
mar ola ann a chnámhuibh.
19 Bíodh sin aige mar a néadach lé a
bhfoluigheann é féin, agus mar chrios,
lé a ccriosluigheann é féin do ghnáth.
20 Go má hé so luáidheacht measc-
ccarrad ón Tighearna; & na druinge
noch labhrus olc a naghaidh manma.
21 Acht tusa, a Dhia mo Thighear-
na, oibrigh leamsa ar son hanma: do
bhrígh gur maith do throcaire, saor mé.
22 Oir is buáidheartha easbhuidheach
mé, & atá mo chroidhe créachdnuighthe
ionnam a stigh.
23 Ataim ar nimtheacht mar an scáile
an tan chlaonas, ataím ar mo chrothadh
as, mar an lócust.
24 Atáid mo ghlúine lag tre thros-
gadh, agus atá mfeóil tréagh gan
mhéathus.

25 Agus

25 Agus atáim am ſcannail doibh-ſion: a nuáir do chíd me, croithid a gceann.

26 Tárthaigh mé, a Thighearna mo Dhia, ſáor mé do réir do thró-caire.

27 Ionnus go mbía a fhios aca gur bí ſo do lámhſa: gur tuſa, a Thighear-na, do rinne é.

28 Mailluighdiſſion, achd beannuigh-ſi: a nuair éirghid, claóidhtior iad: acht déanadh do ſheirbhíſeachſa lúath-gháire.

29 Eaduighthear meaſccáirde lé náire, agus foluighdis íad féin re cláoi mar budh le falluing.

30 Molfa mé an Tighearna lem bhéul go mór, agus a meaſg iomad daóine mbolfas me é.

31 Oír ſeasfuidh ſé ar láimh dheis a nuireasbhuigh, dá ſháoradh úathaſan noch do dhaimneochadh a anam.

P S A L M. CX.

Rígheachd, 4 Sagartacht Chríoſd, 5 lé buáidh a cheaſaidh.

Pſalm Dháibhí.

ADubhairt an Tighearna lem Thi-ghearna, Suidhſi air mo láimh dheis, go ndéarna mé coſtól dot naimh-dibh chum do chos.

2 Cuirſe an Tighearna ſlat do neirt a-mach as Sion: déan úachtaranachd a meadhon do námhad.

3 Biaid do dhaóine ro fhonnmhar a ló do chumhachda, a ſgéimh náomhthachda ó bhroinn na maidne: biáidh agadſa drúcht hoige.

4 Do mhionnuigh an Tighearna, agus ní bía aithreachus air, Is ſagart thuſa go ſíorruidhe do réir uird Mhelchíſe-dec.

5 An Tighearna air do láimh dheis, ag lot Ríghthe a ló a fheirge.

6 Do dhéana ſe breitheamhnus a me-aſg na gcíneadhach, ag líonadh a nuile áite le corpuibh marbha, ag lot na cce-ann ós cionn tíre móire.

7 Iobhuidh ſé deoch as a tſruth air a ród: ar a nadhbharſin tóigſe ſé ſuas ceann.

P S A L M. CXI.

Admhail thiodhlaicthe Spioradalta, a nam cai-theamh a nuáin cháiſg.

MOlaidh an Tighearna; molfa miſi an Tighearna rém chroidhe iomláin, a ccomhdháil na ndíreach, agus annſa ccoimhthional.

2 Is adhbhal oibreacha an Tighearna, ar na ttaisbeanadh do nuile dhuine, agá bhfuil dúil ionnta.

3 Is glóir, agus is dathamhlachd a obair & ſeaſuidh a fhíreántachd choidhche.

4 Do chuir ſé a ionganta air cuimhne: atá an Tighearna gráſamhuil agus lán do thruáighe.

5 Thug ſé bíadh don lucht ar a bhfuil a eagla, cuimhneóchuidh ſé a chonnradh go bráth.

6 Do thaisbéin ſé cumhachta a oi-breach dá dhaóinibh, do thabhairt [...] ghreachdá na ngeinteadh dhóibh,

7 Fírinne agus breitheamhnus a [...] oibreacha a lámh, atáid a aitheanta [...] coinghiollach,

8 Atáid ar na ſuighiughadh go [...] ullamh a bhfírinne agus a cceart.

9 Do chuir ſé fúaſgladh chum a dh[...] daithin ſé go ſíorruidhe a chonnradh: náomhtha agus onórach a ainm.

10 Aſé eagla Dé toſach na h[...] is maith an tuigſe atá acaſan [...] ní a aitheanta: mairigh a mhol[...] go bráth.

P S A L M. CXII.

Is le duine diagha a chuid do mhaith na [...] thaſa, & don aithbheatha; ge go [...] ag drochdhaoinibh ris.

MOlaidh an Tighearna: is ſona [...] duine air a bhfuil eagla an Tigh-earna, agá bhfuil dúil iona aitheantaibh go ro mhór.

2 Budh cumhachtach air an [...] a ſhliocht: biáidh ginealach a [...] beannuigh,

3 Atá ſaidhbhrios agus [...] thigh, agus ſeasfuidh a fhíréantachd go bráth.

4 Eirghidh ſolus don droing [...] ſan dorchadas: don ghráſamhuil, [...] trócaireach, agus do nfíréan.

5 Atá an duine maith gráſamhuil agus áirleacthach: ceannſochaidh ſé a [...] thra le breitheamhnus.

6 Oír ní corrochthar é choidhche, [...] áidh an fíréun a gcuimhne ſhíorruidhe.

7 Ní bhiáidh eagla air roimhe dhroch-ſcéuluibh: atá a chroidhe diongmhalta ag cur a dhóthchuis ſan Tighearna.

8 Atá a chroidhe diongmhálta, [...] bhiáidh eagla air nó go bhfacadh a [...] ar lucht a bhuaidheartha.

9 Do ſpréidh ſé, thug ſé do na boch-taibh: mairigh a fhíréantacht go ſíor-ruidhe, biáidh a adharc ar na hárdughadh le glóir.

10 Chíſe an peacach ſin, agus biáidh fearg air: do dhéana ſé díoſgán ré na fhíacluibh, agus leighſe ſé: meithſe mi-an an pheacaidh.

P S A L M. CXIII.

Togbhuidh Dia an bocht, & bheir clann d[o an] naimrid.

MOluidh an Tighearna: moluidh a Tighearna, ó ſibhſi a ſheirbhíſeacha, moluidh ainm an Tighearna.

2 Biáidh ainm an Tighearna bea-nuigh ó nuáirſi agus go brath.

3 O éirghe na gréine gus a dul fúidh odh ainm an Tighearna molta.

4 Is árd ós cionn a nuile chineadh an Tighearna, ós cionn na neamh atá [a] ghlóir.

5 Cía atá coſmhuil re ar Tighearna Día? noch árduigheas é [...] náitreabh.

6 No[ch]

7 Noch umhluighios é féin dféachuin
[illegible] neamhuibh, agus annsa ta-
[illegible].
7 Noch thógbhus súas an bocht as an
[illegible]eadh, árduighios an tuireasbhach
[illegible]aileach.
8 Chum a shuighthe a bhfochair phri-
[illegible]idhe: a bhfochair phrionnsoighe a
[illegible].
9 Noch do bheir air mhnaói aimrid
[illegible] san tigh, na mathair lúath-
[illegible] chloinne. Moluidhse an Ti-
[illegible]earna.

PSALM. CXIV.

[illegible] reidh na Nisraélach as Egipt.

AN tan do chuáidh Israel amach ón
Egipt, tigh Jácob ó na daoinibh bar-
[illegible].
2 Do bhí a náomhthachd ann Judah,
[illegible] Israel a thighearnas.
3 Do chonnairc an mhuir sin, agus
do theith, diompóigh sruth Jordan air
[illegible].
4 Do lingeadar na sléibhte amhail
[illegible]eadh, na cnoic mar óga an
[illegible].
5 Cred ba ciontach leachd, ó a mhuir
[illegible] theith tú? thusa a Jordan, as ar
[illegible] ar hais?
6 Sibhsi a shléibhte as ar lingeabhair
[illegible] reitheadh? sibhsi a chnoca, mar
[illegible] tréada?
7 Criothnuidh thusa a thalaimh a la-
thair an Tighearna, a lathair Dé Já-
cob.
8 Noch iompóigheas an charrac a ló-
[illegible], an chloichthine a ttiobraid
[illegible]eadh.

PSALM. CXV.

Dee na [illegible] gan althne gan [illegible].

NI dúinne, a Thighearna, ní dúinne
acht dot ainm féin tabhair glóir,
ar [illegible] do throcaire agus tbhfirinne.
2 Cred sa naibeoraidis na geinte:
Cait a nois a bhfuil a Ndía.
3 Acht atá ar Ndiane annsna
[illegible] ! a nuile ní dob áill leis, do
rinne sé.
4 Is airgiod agus ór a níomháighthe,
[illegible] láimhe duine.
5 Atá béul aca, agus ní labhruid: a-
[illegible] súile aca, & ní fhaicid siad.
6 Atáid clúasa aca, agus ní chluin-
[illegible]; atá srón aca, agus ni bholtnui-
[illegible].
7 Atáid lámha aca, agus ní mhothui-
[illegible]: atáid cosa aca, agus ni shiubh-
[illegible], ní labhruid siad le na scórnuigh.
8 Go madh cosmhuil ríu an lucht do ní
[illegible], a nuile duine chuirios a dhóigh ionta.
9 O Israel, cuirsi do dhóigh annsa
Tighearna; is eision a bhsear tárthala
agus a sgiath.

10 O a thigh Aaron, cuiridhsi bhur
ndóigh annsa Tighearna: is eision a
bhsear tárthala agus a sgiath.
11 Sibhsi noch air a bhfuil eagla an Ti-
ghearna, cuiridh bhur ndóigh annsa Ti-
ghearna: is eision a bhsear tárthala a-
gus a sgiath.
12 An Tighearna noch do chuimhnidh
sinn, beinneochuidh sé sinn: beinneochu-
idh sé tigh Israel, beinneochuidh sé tigh
Aaron.
13 Beinneochuidh sé an lucht air a
bhfuil eagla an Tighearna, an beag maille
ris an mor.
14 Méideocha an Tighearna sibh, sibh
féin agus bhur cclann.
15 Is beannuigh sibh ón Ttighearna.
noch do rinne neamh agus talamh.
16 Is leis an Ttighearna neamha na
neamh, agus thug sé an talamh do
chloinn na ndáoine.
17 Ni mholuid na mairbh an Tighear-
na, nó an lucht théid síos a nuáig-
nios.
18 Acht beinnochaimne an Tighear-
na, ó nuairsi súas, agus go bráth. Mol-
uidhsi an Tighearna.

PSALM. CXVI.

Is ceangal ar ghradh ↄ ar mhòidibh umhlachd do thabhàirt, meud chùram Dhe dha naomhaibh.

IS ionmhuin liom an Tighearna, do-
bhrígh go ccluin sé mo ghuth ann
mathchuinghibh.
2 Do bhrígh gur chláon sé a éis-
deachd chugam, gairse mé air feadh
mo bheatha.
3 Do iadhadar doilghiosa an bháis
am thimchioll, agus fúaradar sórluinn
ifrinn mé: amhgar agus dobrón do fúair
mé.
4 Agus do ghair mé ar ainm an Ti-
ghearna, ag rádh, A Thighearna gui-
dhim thú, saor manam.
5 Is grásamhuil an Tighearna, agus
is fìreúnta: agus atá ar Ndiane lán do
thruáighe.
6 Cumhduigh an Tighearna na dáoine
simplighe: do hisligheadh mé, agus do
shaor sé mé.
7 Jompóigh, ó manam, chum do shu-
áimhneasa, óir do fríth an Tighearna go
tiodhlaicstheach ort.
8 Do bhrígh gur shaor tú manam ó
bhás, mo shúile ó dhéaruibh, mo chos ó
sciorradh.
9 Siobhòlad ar maghaidh ós coinne an
Tighearna a ttalamh na mbéo.
10 Do chreid mé, uime sin do labhair
mé, do bhí mé buaidheartha go han-
mhór.
11 A dubhras ann mo dheithnios: A-
tá a nuile dhuine bréagach.
12 Cred an luáidheachd do bhéaras
mé don Tighearna ar son a thabhartas
damh?
13 Géabha me cupán an tslánuighthe, &
goirfead air ainm an Tighearna.

14 Coimhlíonsa

14 Coimhlionfa mé mo mhóide don Tighearna; anois ós coinne a dhaoine uile.

15 Is mórluáigh a bhfiaghnuise an Tighearna bás a náomh.

16 A Thighearna, go deimhin is mé do sheirbhíseach, is mé do sheirbhíseach agus mac hinnilte; do sgaoil tú mo chuibhrighthe.

17 Is duitsi do dhéana mé iodhbhartha an mholta, agus air ainm an Tighearna ghoirfios mé.

18 Díolfa mé mo mhóide ris an Ttighearna, annois ós coinne a phobaill uile:

19 A ccúirtibh thighe an Tighearna, ann do mheadhónsa a Jerusalem. Moluidh an Tighearna.

PSALM CXVII.

Gairm na ccineadhach, chum Día donórughadh.

MOluidh an Tighearna, sibhsi a chineadhacha uile; moluidh é, sibhsi a uile dhaóine.

2 Oír is cumhachdach a thrócaire oruinne; agus atá fírinne an Tighearna go bráth. Moluidh an Tighearna.

PSALM. CXVIII.

Fascadh Dé bunaiteach, & a thoirbheartas iongantach.

MOluidh an Tighearna, óir is maith é; óir atá a thrócaire go siorruidhe.

2 Abradh Israel a nois; go bhfuil a thrócaire go siorruidhe.

3 Abradh a nois tigh Aaron; go bhfuil a thrócaire go siorruidhe.

4 Abraidís an dream ler beagal an Tighearna, go bhfuil a thrócaire go siorruidhe.

5 Am anacair do ghair mé air an Ttighearna, agus do fhreagair an Tighearna agus do chuir a réiteach mé.

6 Atá an Tighearna ar mo shonsa, ní bhía eagla orum cred dhéanas duine riom.

7 Atá an Tighearna air mo shonsa a measc lucht mfurtachda, & do chise mé [mo mhían] air an lucht fhúathuighios mé.

8 Is maith dóigh do chur annsa Tighearna, ná dòigh do chur a nduine.

9 Is maith dóigh do chur annsa Tighearna, ná dóigh do chur a bprionnsadhuibh.

10 Do chruinnigheadar a nuile chineadh am thimchioll; a nainm an Tighearna geárrfad díom iad.

11 Thangadar am thimchiol go deimhin, thangadar fa ccuáirt am thimchioll; a nainm an Tighearna fòs géarrfad díom iad.

12 Thangadar mar bheachaibh am thimchioll, ataid ar na múchadh mar theine na ndroighean; óir a nainm an Tighearna geárrfad díom iad.

13 Do sháith tú chugam go neartmhar iondus go ttuitfinn: acht ba hé an Tighearna mfear furtachda.

14 Isé an Tighearna mo neart, mo chaintic, agus atá dhamhsa shlánughadh.

15 Atá guth an gháirdeachais an tslánaighthe a ttighthibh na bhfíréun; do ní lámh dheas an Tighearna gaisge.

16 Atá lámh dheas an Tighearna na hárdughadh; do ní lámh dheas an Tighearna cródhacht.

17 Ní bhfuighiod bás, acht mairfiod; agus foillseochad oibreacha an Tighearna.

18 Do smachtuigh an Tighearna go mór; acht nior thoirbhir é bhás mé.

19 Fosgluidh dhamhsa geataigh na fíréantachda; rachad a steach ionnta, agus molfad an Tighearna.

20 Isé so geata an Tighearna: rachaid na fíréun a steach ann.

21 Molfad thú do bhrígh go gcualais tú mé, agus go rabhuis damh mar shlánughadh.

22 An chloch do dhiúltadar na saoir, sí atá ar ndéanamh na ceann na gcuáine.

23 On Tighearna do bhí so, agus is iongantach é ann ar súilibhne.

24 Isé so an lá do rinne an Tighearna, bíom lúathgháireach, agus déanam gáirdeachus ann.

25 Anois athchuinghim thú, a Thighearna, tárthaidh; athchuinghim thú, a Thighearna, soirbhigh anois.

26 Is beannuigh an té thig a nainm an Tighearna; beannuighmaoid sibh as thigh an Tighearna.

27 Isé Día an Tighearna, agus do fé solus dùinne; ceanglaidh a niodhbuirt ré téuduibh do chorruibh na haltóra.

28 Is tú mo Dhia, agus molfad thú; is tú mo Dhia, agus árdóchad thù.

29 Moluidh an Tighearna; óir is maith é; óir atá a thrócaire go bráth.

PSALM. CXIX.

Millseachd & tarbha Briathar Dé, & onóir na droinge do leanas í.

ALEPH.

IS beannuigh an drong atá iomlán sa tslighe, noch shiubhlas a ndligheadh an Tighearna.

2 Beannaigh an lucht choimhéadas a fhiadhnuiseadha, íarras é le croidhe iomlán.

3 Mar an gcéadna ní dhéanaid siad olc, siubhluid iona shlighthibh.

4 Daithin tú haitheanta do choimhéad go grionghalach.

5 O, nach bhfuilid mo shlighthe ar na ndíriughadh chum do reachda do choimhéad.

6 Annsin ní bhía náire orum, an tan áir fhéuchfad dot aitheantaibh uile.

7 Molfad thusa lé dioghrais croidhe, an tan do dhéanad breitheamhnais do thfiréantachta dfoghluim.

8 Co

[illegible] Coimhéadfad do reachta: ó, ná
[illegible] mé go hiomlán.

BETH

[illegible] Créd ré nglanfa duine óg a
[illegible] ré bheith aireach do réir
[illegible] bhreithreſi.
[illegible] Re mo chroidhe iomlán do lorg-
[illegible] thú: ná cuir air ſeachrán
[illegible] aitheantaibh mé.
11 Ann mo chroidhe dfoluigh mé
[illegible] bhriathra, ionnus nach bpeacuigh-
[illegible] ad aghaidh.
12 Is beannuigh thú, a Thighearna:
[illegible] dhamh do reachta.
13 Re mo phuiſinibh do chomháir
[illegible] breitheamhnus do bhéil uile.
14 Do ghárdighios a ſlighe thſíadh-
[illegible], mar bhadh ann a nuile ſhaidh-
[illegible].
15 Do dhéanad ſmuaineadh ann haith-
[illegible], agus féuchfad go géar air do
[illegible].
16 Glacfad ſoibhneas ann do reachd-
[illegible]; ní dhearmodfad do bhríathra.

GIMEL.

17 Cúitigh lé do ſheirbhíſeach, go mair-
[illegible] mé, agus coimhéadfad do bhrí-
[illegible].
18 Foſgail mo ſhúile, agus do chífid
[illegible] iongantacha as do dhlighthibh.
19 Is coigcríoch mé air an ttalamh;
[illegible] haitheanta orum.
20 Atá manam ag briſeadh ré mían
[illegible] do bhreitheamhnus gach uile uáir.
21 Do imdhearg tú an tuáibbreach,
[illegible], noch do ni ſeachrán
ód aitheantaibhſi.
22 Athruidh uáimſi ſcannail agus
[illegible], óir do choimhéad mé thſí-
[illegible].
23 Do ſhuigheadar fós prionnſoighe,
do [illegible] am aghaidh; do dhéana
do [illegible] ſmuidéur ad dhlighthibh.
24 Fós is iad thſíadhnuiſeadh [illegible],
[illegible], dáoine mo chomhairle.

DALETH.

25 Leanaidh manam don luáithreadh;
[illegible] mé do réir do bhréithre.
26 Do comhairimh mé a rís mo ſhligh-
the, agus do chúala tú mé: teagaiſg
do reachta dhamh.
27 Tabhair orum ſlighthe haithean-
ta do thuigſin; agus do dhéanad ſmu-
aineadh ad iongantaibh.
28 Atá manam ag ſileadh le doil-
gheas: neartuigh mé do réir do bhré-
ithre.
29 Athruigh uáim ſlighe na neimh-
ſhírinne; agus áontuigh go gráſamhuil
dhamh do dhligheadh.
30 Do thogh mé ſlighe na ſírinne;
do chuir mé do bhreitheamhnuiſi ós
mo choinne.
31 Do ghreamuigh mé dot ſhiaghnui-
ſibh, a Thighearna: ná náirigh mé.
32 Rithfiod a ſlighthibh haitheanta;
mar ſhairſeongair mo chroidhe.

HE.

33 Teagaiſg dhamh, a Thighearna, ſlighe do reachta; coimhéadfad í go bráth.
34 Tabhair tuigſe dhamh, agus co-
imheadfad do dhlighe, agus coimhlíon-
fad é le mo chroidhe iomlán.
35 Tabhair oram ſiubhal a ccaſán ha-
itheantadh: óir is annſin atá mo dhúil.
36 Claon mo chroidhe chum thſiagh-
nuiſeadh, agus ní chum ſainte.
37 Tabhair air mo ſhúilibh gabh-
áil ſeacha ó dhíomhaoineas dfaicſin:
béoghuidh mé ann do ſhlighe.
38 Daingnidh do bhríathar dot
ſheirbhíſeach air a bhfuil heagla.
39 Iompoigh uáim mo ſcannail, noch is
eaguil liom; óir is maith do bhreith-
eamhnuis.
40 Féuch, do bhí ſonn agam ann haith-
eantaibh: béoghaidh mé ann thſíréan-
tacht.

VAU.

41 Tigdís fós do thrócaireadha chu-
gamſa, a Thighearna; do ſhlánughadh
do réir do bhréithre.
42 Agus fregéora mé focal dſhior mo
choirighthe; óir atá mo dhóigh ann
do bhréithir.
43 Agus ná beir as mo bhéul focal
na ſírinne go hiomlán; óir do ſheith
mé air do bhreitheamhnuſaibhſi.
44 Agus coimhéadfad do dhligheadh
a ccomhnuighe, go brath & choidhche.
45 Agus ſiubholad go fairſing; óir
do lorgair mé haitheanta.
46 Agus laibheorad air thſíadhnui-
ſighibhſi a lathair Ríogh, agus ní bhí-
adh náire orum.
47 Agus biáidh dúil agam féin ann
haitheantaibh, noch do ghrádhuigh mé.
48 Agus tóigfid ſúas mo lámha chum
haitheanta, noch do ghrádhuigh mé; &
do dhéanad ſmuáineadh ann do reacht-
aibh.

SAIN.

49 Cuimhnigh an bhriathar dot ſheir-
bíſeach, noch ar a ttugais orum mo
dhóthchús do chur.
50 Iſé ſo mſurtacht ann manaeair; óir
do bhéoghaidh do bhriathar mé.
51 Do tharcuiſnigheadar na huáibh-
righ mé go hainmheaſardha: ód dhli-
gheadh níor chláon mé.
52 Do chuimhnigh mé do bhreith-
eamhnuis ón tſeanaimſir, a Thighearna,
agus do mheiſnigh mé mé féin.
53 Do ghabh an ùathbhas greim dhí-
om ar ſon na gciontach, noch do thréig
do reacht.
54 Do bhádar do reachta na gcain-
ticibh agam a ttigh moilithrighe.
55 Do chuimhnighios hainm ſan no-
idhche, a Thighearna; agus coimhéad-
fad do dhligheadh.
56 Fuáir mé ſo do bhrígh gur
choimhlíon mé do dhligheadh.

CHETH.

57 [Is tuſa] mo chomhroinn, a Thi-
ghearna; do gheall mé do bhríathar
do choimhlíonadh.
58 Do ghuidh mé haghaidh réin
uile chroidhe, déan trócaire orum do
réir do bhréithre.

59 Do

59 Do mheas mé mo shlighthe, agus do iompóigh mé mo chosa chum thfiaghnuiseadha.

60 Do rinne mé deithfir, agus ní dhéarnas failligh haitheánta do choimhéad.

61 Do shladadar slúagh na gcion-tach mé; níor dhearmaid mé do dhligheadh.

62 Annsa meadhon oidhche éireochad dot mholadh, do bhrígh breitheamhnus thfíreántachta.

63 Atáim am chompánach ag gach aon ar a bhfuil heagla, agus do lucht coimhéada haitheanta.

64 A thighearna, atá an talamh líonta dot thrócaire: teagaisg do reachda dhamh.

TETH.

65 Do rinne tú go maith led fhearbhfhoghantuigh, a Thighearna, do réir do bhréithre.

66 Teagaisg dhamh tuigse mhaith, agus éolus; óir do chreid mé haitheanta.

67 Suil do bhuáidhreadh mhé, do chuáidh mé ar seachrán: a nois coimhéaduim do bhríathar.

68 Is maith thú, agus do ní tú maith; teagaisg do reachda dhamh.

69 Do chumadar na huaibhrigh bréag am aghaidh; ré croidhe iomlán coimhéadfa mé haitheanta.

70 Atá a gcroidhe ramhar mar mhéathus: atá mo dhúil ann do dhligheadh.

71 Is maith dhamhsa gur buáidhreadh mé: ionnus go ndéan do reachtasa fhoghluim.

72 Is féarr dhamh dligheadh do bhéil, ná na mílte dór agus dairgiod.

IOD.

73 Do rinneadar do lámha mé, agus do chumadar mé: tabhair tuigsi dhamh, agus do dhéan haitheanta dfoghluim.

74 An dream ar a bhfuil heagla, béid luathgháireach a nuáir do chífid mé: óir do bhí mo dhóigh ann thfocal.

75 As aithne dhamh, a Thighearna, go bhfuilid do bhreitheamhnuis ceart; & gur a bhfírinne do ghortuigh tú mé.

76 Bíodh a nois do thrócaire dom mheisniughadh, do réir thfocail dot sheirbhíseach.

77 Tigeadh do thrócaire chineullta chugam, ionnus go mairfinn: óir isé do dhligheadh mo dhúil.

78 Cláoidhtear na huaibhrigh, óir do rinneadar olc orum gan adhbhar; do dhéan smuáineadh ann haitheantaibhsi.

79 Iompoighthear chugamsa an drong air a bhfuil heaglasa; agus dar baithne thfiaghnuiseadha.

80 Bíodh mo chroidhe diongmhálta ann do reachtaibh, ionnus nach ccla-óidhfighear mé.

CAPH.

81 Atá manam ag meirtniughadh chum do shlánuighthe: do bhí mo dhóthchus ann do bhréithir.

82 Failligid mo shúile tre do ithir, ag rádh, Cá huair dó bh furtachd dhamh?

83 Bíodh gur bha cosmhuil buideul annsa deatuigh, níor dh mé do reachdasa.

84 Cá líon láethe do sh cá huáir bhéarair breitheamh naghaidh na druinge ainleasta

85 Do thochladar na puill am choinne, noch nach raibh réir do dhlighesi.

86 Atáid haitheantasa uile each: ainleanad mé go h cuidighsi liom.

87 Is beag nar chríochnuigheadar air an ttalamh; níor thréig haitheantasa.

88 Béoghuidh mé do réir do aire, agus coimhéadfa mé breith nuis do bhéil.

LAMED.

89 Go síorruidhe, a Thighearna, atá do bhríathar ar na dhaingniughadh annsna neamhuibh.

90 Go ginealach agus go ginealach atá thfírinne: do dhaingnigh tú an talamh, agus seasaidh sé.

91 Do réir hórduighthe seasaid niugh, óir is seirbhisigh dhuit

92 Muna bheith gur bé do dhligheadh mo ro thaitneamh, mheithfinn ann mo bhuaidhreadh.

93 Ní dhearmosad go brath haitheantasa; óir is léosin do bheoghuigh tú mé.

94 Is leatsa mé, tárthuigh mé: diarr mé haitheanta.

95 Do bhí an cíontach ag orum, chum mo mhillte; meas thfíadhnuiseadha.

96 Do nuile iomláine do chonn mé críochnughadh: ach atá haitheanta ro fhairsing.

MEM.

97 Cionnus gradhuighim do dhligheadh! is é mo smuáineadh é ar fe an laói.

98 Do dhéana tú misi críonna cionn mo námhad red aitheantaibh: óir atáid agam a ccomhnuighe.

99 Tuigim ós cionn mo lucht teagaisg uile: óir is iad thfiaghnuiseadha mo smuáineadh.

100 Tuigim níos mó ná na sinnsir: do bhrígh gur choimhéad mé haitheanta.

101 Do chonnuimh mé mo chos dhroichshlighe; iondus go coimhéadfuinn thfocal.

102 Od bhreithmhnusaibh níor uigh mé; óir do theagaisg tú mé.

103 Cred é millse do ráidhte charbad! ní is millsi ná mil bhéul.

104 Od aitheantaibh fuair mé tuigs uime sin fúathuighim uile shlighe neimhfhírinne.

NUN.

105 As lóchrann dom chosaibh bhriathar.

bhréithir, & solus dom chasáinaibh.

106 Thug mé mo mhionna, agus coimhéadfad sin, breitheamhnuis thfíreanachda do chomhall.

107 Do bhí mé ar mo bhuáidhreadh romhonarcach: béoghaidh mé, a Thighearna, do réir thfocail.

108 Gabh uáim íodhbhartha sochroidheacha mo bhéil, guidhim thú, a Thighearna, agus teagaisg dhamh do bhreitheamhnuis.

109 Atá manam ann mo láimh do ghnáth: acht níor dhearmaid mé do dhligheadhsa.

110 Do chuireadar na peacaidh painteir am choinne: gidheadh ní dheachaidh mé ar seachrán ód aitheantaibhsi.

111 Do ghlac mé mar oighreacht th'fhiadhnuisese go bráth; óir is sólás dom chroidhe iad.

112 Do chláon mé mo chroidhe chum do reachta do dhéanamh go bráth.

SAMECH.

113 Fúathuighim smuáintighthe díomhaoine: acht grádhuighim do dhligheadh.

114 Is tusa mionad foluighthe agus mo sgíath: do bhí mo dhóigh ann thfocal.

115 Imthighidh uáim, sibhsi a lucht déanta uilc, agus coimhéadfad aitheanta mo Dhé.

116 Congaimh súas mé do réir do bhréithre, agus mairfe me: agus ná náirigh mé fám dhóchchus.

117 Congaimh súas mé, agus biáidh mé a ndídean: agus biáidh mo dhúil ann do reachdaibh do ghnáth.

118 Do shaltair tú sios an mhéid do dhruidh a mugha ód reachdaibh: óir is neimhfhírinne an gangaid.

119 Teilgir uáit mar dhroichmhiotal a bhfuil do pheacachuibh air an ttalamh: ar a nadhbharsin grádhuighim thfiadhnuiseadha.

120 Criothnuidh mfeoil ré heagladhsa: agus atá úamhan do bhreitheamhnuis orum.

AIN.

121 Do rinne mé ceart agus breitheamhnus; ná toirbhir mé do luchd mo sháruighthe.

122 Bí a nurrughus air do sheirbhíseach chum maitheasa: ná léig do nuáibhreach mo shárughadh.

123 Meathaid mo shúile ag feithiomh air do shlánughadh, agus air fhocal thfíreantachta.

124 Déan red sheirbhíseach do réir do thrócaire: agus múin damh do reachta.

125 Is misi do sheirbhíseach, tabhair tuigse dhamh: agus biaidh éolus air thfiadhnuisibh agam.

126 Is mithidh a dhéanamh, a Thighearna: do chuireadar do dhligheadh ar neimhní.

127 Uime sin is ionmhuin liom haitheanta ós cionn óir, agus ós cionn óir fhiorghlain.

128 Uimesin measuim haitheantasa uile ceart: fúathuighim uile shlighe na neimhfhírinne.

P E.

129 Atáid thfiaghnuiseadh ro iongantach: uime sin coimhéaduigh manam iad.

130 Do bheir dul a steach do bhríathar solus, ag tabhairt tuigse don tsimplighe.

131 Dfoscail mé mo bhéul, agus do chriothnuigh mé; óir do bhí mían haitheanta agam.

132 Feuch orum agus déan trócaire orum, do réir do chleachtaidh don droing ler bionmhuin hainm.

133 Daingnidh mo choiscéime ann do bhréithir; agus ná léig durchóid ar bith úachtaránacht do bhreith orum.

134 Sáor mé ó shárughadh na ndaóine; agus coimhéadsa mé haitheanta.

135 Tabhair air haghaidh déalrughadh air do sheirbhíseach: agus teagaisg dhamh do reachta.

136 Silid srotha uisgeadh as mo shúilibh; do bhrígh nach ccoimhéadaid do dhligheadh.

TSADDI.

137 Is fírenta thú, a Thighearna; agus atáid do bhreitheamhnuis díreach.

138 Daithin tú thfiaghnuiseadh, atáid fíreanta agus ro fhírinneach.

139 Do ghearr mo theas-ghrádh amach mé; do bhrígh gur dhearmadar mo naimhde do bhríathra.

140 Do dearbhadh do bhríatharsa go mór; & is ionmhuin lead sheirbhíseach í.

141 Is beag misi agus is tarcuisneach; níor dhearmaid mé haitheantasa.

142 Is fíreantacht siorruidhe thfíreantachdsa; & is fírinne do dhligheadh.

143 Tárlaigh anacair, agus goimh chugam; is iad haitheanta máoibhneas.

144 Atá fíreantacht thfiagnuiseadha go siorruidhe; tabhair tuigsi dhamh, agus mairse mé.

C O P H.

145 Eighim rem uile chroidhe; cluin mé, a Thighearna; coimhéadsa mé do reachta.

146 Eighim chugadsa, agus coimhéadfad thfiadhnuiseadh.

147 Do mhoichéirghe mé ré teacht an laói, agus déighios: do bhí mo dhúil red fhocalsa.

148 Bid mo shúile na ndúscadh a ttráthuibh [na hoidhche] chum smuainiughadh ann do bhréithir.

149 Cluin mo ghuth do réir do thrócaire: a Thighearna, do réir do bhreitheamhnuis béoghaidh mé.

150 Atáid ag teacht a bhfogus, noch leanas durchóid, atáid a bhfad ód dhligheadh.

151 Atá tusa a bhfogus, a Thighearna; agus is fírinne haitheanta uile.

152 A ttaobh thfiadhnuiseadhsa bí
fios damh re fada, gur fhuighidh tú
iad go siorruidhe.

R E S H.

153 Dearc ar manacair, agus saor
mé: óir níor dhearmuid mé do dhli-
gheadh.
154 Tagair mo chúis, agus saor mé;
do réir do bhréithre béoghaidh mé.
155 As fada slánughadh ón gcoir-
pe: óir ní iarruid do reachta.
156 Is líonmhar do thrócaire chineul-
ta, a Thighearna: béoghaidh mé do
réir do bhreitheamhnuis.
157 Is líonmhar lucht mo bhuáidh-
eartha, agus measceairde: níor chláon
mé ó thfiaghnuisibhsi.
158 Do chonnairc mé lucht an
tsáruighthe, agus do bhí mé doilghi-
osach, do bhrígh nár choimhéadadar
thfocal.
159 Féuch gur bionmhuin liom haith-
eanta: a Thighearna, do réir do thró-
caire béoghaidh mé.
160 As fírinne tosach do bhreithre:
agus biaidh huile bhreitheamhnuis fír-
eanta go siorruidhe.

S C H I N.

161 Do ainleanadar prionnsuidhe
mé gan adhbhar; achd do bhí eagla
air mo chroidhe red bhréithirsi.
162 Gáirdighim red fhocal mar an
té do gheibh móiréadail.
163 Fáathuighim, agus bí gráin
agam air bhréugaibh; is ionmhuin
liom do dhligheadh.
164 Moluim thú seacht nuáire san ló;
a ttaobh bhreitheamhnus thfíréantachda.
165 Atá síothcháin mhór don lucht
ghrádhuigheas do dhligheadhsa; agus
ní bhfuil ceap tuislighe na naghaidh.
166 Do bhí mo dhóigh ann do fhlá-
nughadh, a Thighearna; agus do
chomhaill mé haitheanta.
167 Do choimhéad manam thfiadhnui-
seadha, agus do ghrádhuigh sé iad
go ro mhór.
168 Do choimhéad mé haitheanta,
agus thfiadhnuiseadha; óir atáid mo
fhlighthe uile ad lathairsi.

T A U.

169 Tigeadh mo éigheadh a ngar ad
lathair, a Thighearna: tabhair tuigsi
dhamh do réir do bhréithre.
170 Tigeadh mo ghearán ós do
choinne; do réir do bhréithre sáor mé.
171 Laibheoruidh mo bhéul moladh,
mar mhúinfios tusa do reachta dhamh.
172 Freagoruidh mo theanga do
bhriathar; óir is fíréantacht haithean-
ta uile.
173 Cuidigheadh do lámh riom, óir
rug mé haitheanta do roghain.
174 Do bhí mían agam ad fhlánu-
ghadh, a Thighearna; agus isé do
dhligheadh maóilbhneas.
175 Maireadh manam, agus molfa
sé thusa; agus cuidigheadh do
itheamhnus liom.
176 Do bhí mé ar seachran
óirigh ar ndul a mugha:
fheirbhíseach; óir níor dhea
haitheantasa.

P S A L M CXX.

Screataigheacht an droch

Caintic chéimeadh.

DO éigh mé chum an Tighear
mo bhuáidhreadh, agus d
laidh sé mé.
2 A Thighearna, saor manam
na mbréug, ó theangaidh n
3 Cred do bhéarthar duit
dhéantar leachd, a theanga na
4 Soighde géara an
maille re griosúigh chrainn
5 A mhairg dhamhsa, do
nuighe a Mesech, go
ttighthibh Cédair.
6 Is fada do bhí manam n
nuighe a bhfochair an té
ionmhuin síothcháin.
7 Atáimsi ar son síothch
ná labhruim, atáidsion chum

P S A L M CXXI.

Fasgáth an fhir ag a bhfuil Dia tact, ag fhaire air.

Caintic chéimeadh.

TOigfiod súas mo shúile
ccnoc, as a ttiocfa mo
2 Is ón Tighearna atá mo
noch do rinne neamh agus
3 Ní léigfidh sé dot chos
adh, ní choidéola an té
das thusa.
4 Féuch, an té choimh
ní dhéana sé táimhnéall ní
5 Isé an Tighearna thfear
isé an Tighearna do sgáth
láimh dheis.
6 San ló ní bhuailfe an ghrian
nó an ghealach san oidhche.
7 Cuimhdeochuidh an Tighea
thú ó uile olc; coimhdfidh sé
8 Cuimhdeochuidh an Tighea
do dhul amach, agus do theacht
steach; ó nuinsa amach agus
síorruidhe.

P S A L M CXXII.

Guidhe arson síth & Sonais Ierus

Caintic chéimeadh Dhaibhi

DO luáthgháirighios ris an lu
dubhairt leam, Téigheam go
an Tighearna.
2 Atáid ar ccosa na seasamh
do gheatadhuibh, a Jerusalem.
3 Jerusalem ar na tógbháil mar
thraidh, atá ar na choimh
innte féin ré chéile.
4 Oir is innte sin suas théid
treabha, treabha an Tighearna
fiadhnuisi Israel, chum a
ghearna do mholadh.
5 Oir suighfid annsin
ríogha chum breitheamhnais,
ríogha thighe Dháibhi.

6 Guid

6 Guidhidh ar son siothchána Jerusalem; bidís a síothcháin noch ler ... thú.

Biodh siothcháin ann do dhaingion, ... a shigh ann do phálásaibh.

Ar son mo dhearbhráithreach, ... mo charad, a déarad a nois, ... siothchain ionnad.

Ar son tighe an Tighearna ar ..., iarrfa mé maith dhuitsi.

PSALM CXXIII.

... súil bheith re Dia, daoine ó mbasla.

Caintic chéimeadh.

C...hugadsa tógbhuim súas mo shúile, ó thusa noch áitreabhus annsna ...

2 Féuch mar atáid súile na seirbhi... chum láimhe a maighistir; mar ... súile banóglaich chum láimhe a maighistreása, is mar sin atáid ar súile... chum an Tighearna ar Ndía, no go ... sé grásamhuil dúinn.

3 Déan trócaire oruinn, a Thighearna, déan trócaire oruinn: óir atámaoid air ar miolionadh le tarcuisne.

4 As mór atá ar nanam ar na líonadh le tarcuisne na druinge atá a suaimhneas, re tarcuisne na nuáibhreach.

PSALM CXXIV.

...fsaine & uchbhadhach na Heagluise, & comh-fhurtacht Dé.

Caintic chéimeadh Dháibhi.

MUna bheith an Tighearna linn, abradh Israel anois:

2 Muna bheith an Tighearna linn, an tan déirgheadar dáoine súas ar naghaidh.

3 Annsin do shluigfidís súas béo sinn; mar do las a bhfearg ar naghaidh.

4 Ann sin do bháithfidís na huisgeadha sinn, do rachadh an tuile thar ar nanam.

5 Annsin do rachaidís na huisgeadha mórbreacha thar ar nanam.

6 Go madh beannuigh an Tighearna, nach ttug sinn mar chreich da bhfiachaibh.

7 Atá ar nanam mar éan ar nimthe(a)cht as líon na bhfiadhach; atá an líon ar na bhriseadh, agus dimthighea(m)airne slán.

8 Is a nainm an Tighearna atá ar bhfurtacht, noch do rinne neamh & talamh.

PSALM CXXV.

Is daingion an cáltacht Dia; 3 & is corrach an éugcoir.

Caintic chéimeadh.

BIáidh an lucht chuirios a ndóigh annsa Tighearna mar shliabh Síon, nach féidir a chorrughadh, ach mhairios go bráth.

2 Jerusalem, atáid na sléibhte na timchiollsin, & atá an Tighearna a timchioll a dhaóine ó nuairsi & go siorruidhe.

3 Oír ní dhéanaidh slat an chorbuidh comhnuidhe ar chrannchair na bhfiréan; iondus nach sinfid na firéin a lamha amach chum corbuidh.

4 Déan maith a Thighearna do na deaghdhaóinibh, & don díreach a ccroidhe.

5 Acht an lucht chláonas chum na ndroichshligheadh, tréorochuidh an Tighearna iad lé lucht oibrighthe a négceirt: go raibh síothcháin air Israel.

PSALM CXXVI.

Dobrón dhaóirsine Bhabiloin, ar na filleadh go baoibhneais.

Caintic chéimeadh.

ANuáir do thug an Tighearna braighdionas Síon air ais, bá cosmhuil sinn, leis a ndroing do chídh aisling.

2 Annsin do líonadh ar mbéul ré gáireadha, & ar tteanga ré lúathgháire; a dubhradar annsin a measg na gcineadhach, Do rinne an Tighearna éachta móra dhóibh.

3 Do rinne an Tighearna neithe móra linne, atamaoid lúathgháireach.

4 Iompoigh a rís a Thighearna ar mbraighdionas mar na srothaibh budh dheas.

5 An dream chuirios síol a ndéaruibh, beanfaid a lúathgháire.

6 An té dimthigh amach go doilghíosach, agus do ghuil ag cur a shíl: tiocfa sé lé lúathgháire ag iomchar a phunnann.

PSALM CXXVII.

Sé Dia do chuireas, & chongbhas súas, tighe & clann.

Caintic chéimeadh Sholaimh.

MUna bhfoirgnighe an Tighearna an tigh; is díomhaóin oibrighid an lucht fhoirgnighios é: muna ccumhduighe an Tighearna an chathair, is go díomhaóin do ní an fear coimhéada faire.

2 Is díomhaóin dibhsi, noch éirghios go moch, shuighios go deighionach, noch ithios arán an doilghiosa: marsin do bhéaraidh sé codladh dá fhior gráidh.

3 Féuch, is oighreacht don Tighearna clann: toradh na bronn a luaidheachd.

4 Mar shoighde a láimh an duine arrachtaigh, is amhluigh sin atá clann na óige.

5 Is sona an duine agá bhfuil a bholgán soighiod lán díobh: ní bhiáid claóidhte an tan leibheoruid lé na naimhdibh san gheata.

PSALM CXXVIII.

Atá pósadh & sliochd an fhiréin, beannuighte.

Caintic chéimeadh.

IS sona gach áon, air a bhfuil eagla an Tighearna, noch shiobhlas iona shlighthibh.

2 Oír íosfa tú saothar do lámh féin: biáidh tú sona, agus rachaidh go maith dhuit.

3 Biáidh do bhean cosmhuil ris an bhfíneamhuin thoruigh ar tháobhuibh do thighe; do chlann cosmhuil le planntoighibh chroinn na hola a ttimthioll do bhóird.

4 Feuch, gur marso bhías an duine beannuigh air a bhfuil eagla an Tighearna.

5 Beinneochuidh an Tighearna thú as Síon; agus do chífidh tú maith Jerusalem uile láethe do bheatha.

6 Agus do chífe tú chlann do chloinne, & síothcháin ar Israel.

P S A L M CXXIX.

Cladh na ndaoine fhuathuighеas Eagluise Dé.

Caintic chéimeadh.

IS minic do bhuáidhreadar mé òm
òige, abradh Israel a nois:
2 Is minic do bhuáidhreadar mé òm
òige: gidheadh ní rugadar buáidh orum.
3 Do threabhadar na treabhthaigh air
mo dhruim: do rinneadar a fiomairighe
fada.
4 Atá an Tighearna fíréunta, noch
do ghearr ò chéile téada na gciontach.
5 Cláoidhtear íad, agus iompoigh-
thear ar gcúl gach a bhfuathuighionn
Sion.
6 Bidis cosmhuil ris an bhféur fhásas
a mulladhuibh na ttightheadh, noch chrí-
onas ní is doichthe ná fhásas go hiomlán.
7 Lé nach líonann an búanuighe a
lámh, ná fear ceangail na bpunnann
a bhrollach.
8 Agus nach abraid lucht gabhála na
fligheadh, Bíodh beannughadh an Ti-
ghearna oruibh: beannuighmid fibh a
nainm an Tighearna.

P S A L M CXXX.

An seasmhadh Psalm aithrighe.

Caintic chéimeadh.

AS na haigéanaibh déigh mé ortsa,
a Thighearna.
2 A Thighearna, chuin mo ghuth;
bidís do chlúasa aireach chum gotha mo
ghearáin.
3 Má thugann tú cionta dot aire, a
Thighearna; a Thighearna, cía sheasfas.
4 Acht is agadsa atá maithmheachus,
ionnus go mbíáidh eagla romhad.
5 Do fheith mé air an Ttighearna,
atá manam ag feithiomh, agus iona
bhréithir atá mo dhòigh.
6 Atá manam ag feithiomh air an
Ttighearna, ní sa mhò ná do níd lucht
faire air an maidin.
7 Bíodh dóigh ag Israel san Ttigh-
earna; òir is ag an Tighearna atá
trócaire, agus aigesion atá iomad fú-
ascalta.
8 Agus fuaifgeoluidh sé Israel ò na
huile chiontaibh.

P S A L M CXXXI.

Scáthan duine chiúin uiriṡiol.

Caintic chéimeadh Dháibhi.

A Thighearna, ní bhfuil mo chroidhe
árd, ní mó atáid mo shúile ar na
ttógbháil súas; agus níor shiubhlas a
nadhbharaibh móra, agus a neithibh ion-
gantacha is áirde ná mé.
2 Nach ar chumas, & nach ar chuirios
manam na chomhnuighe mar leanamh do
coisgfidh do chích agá mhathar; mar lea-
namh ar ccosg do chígh atá manamsa.
3 Déanadh Israel feitheamh air an Tti-
ghearna ò so amach, agus go síorruidhe.

P S A L M CXXXII.

*Cúram & urnaidh Dháibhi arsón thighe
Dé, & a luchd oifig.*

CUimhnigh, a Thighearna, Dáibhi agus
a uile bhuaidhreadh.
2 Noch thug mionna don Thighear-
na, thug a mhòid dó Dhía [illegible]
tach Jácob [ag rádh.]
3 [Nar mhaire mé] má théighim [illegible]
steach a tteaghais mo thighe, [illegible]
ighim súas air mo leabaidh chòi[illegible]
4 Má thugam codladh dom [illegible]
táimhnéull do mhogluibh mo [illegible]
5 Go bhfaghar ionad don Ti[illegible]
na, ionad comhnuighe do Dhía [illegible]
achdach Jácob.
6 Féuch, do chúalamar so ann [illegible]
rátah; fúaramar é a magh[illegible]
coilleadh.
7 Racham a steach iona [illegible]
comhnuighe; claonfam sinn [illegible]
cos-stóil a chos.
8 Eirigh, a Thighearna, [illegible]
onaid comhnuighe; thú [illegible]
Airc do neirt.
9 Bidis do shagairt éaduighthe le [illegible]
éantachd; agus déindis do [illegible]
athgháire.
10 Ar son Dáibhi do sheirbhísigh [illegible]
fill uáinn aghaidh hungthaidh.
11 Do mhionnuigh an Tighearna [illegible]
Dháibhi a bhfírinne; ní fhillfe [illegible]
sin; Do thoradh do bhronn [illegible]
aidh sé ann do chathaóir [illegible]
12 Má choimhéaduid do mhic mo [illegible]
radh, & mfiaghnuiseadha, noch [illegible]
fead dòibh, suighfid a cclann mar an [illegible]
na go síorruighe ann do chathaoir [illegible]
13 Oír do thogh an Tighearna [illegible]
dhúiligh é mar ionad suighe [illegible]
14 Asé so mo shuáimhneas go sío[illegible]
uidhe; annso do dhéanad comhnuighe,
óir fuáir mé dúil innte.
15 Beinneochad a maithеas go [illegible]
arcach, sásfa mé a boicht le [illegible]
16 Agus éideochuidh mé a [illegible]
slánughadh, agus do dhéanaid a [illegible]
gáirdeachus ré lúathgháire.
17 Annsin do bhéar ar adhairc Dhá-
ibhi fás, do órduigh mé solus dom [illegible]
thach; éideochad a naimhde ré náire,
acht bláitheochuidh a choróinsean air [illegible]

P S A L M CXXXIII.

*Atà an cumann bráithreamhuil, [illegible]
re Dia, & tarbhach do [illegible]*

Caintic chéimeadh Dháibhi.

FEuch caidhe an mhaith [illegible]
taóibhneas sin, dearbhráithre do [illegible]
namh comhnuidhe a neimionad [illegible]
2 Mar an deoghola ar an gceann, ag [illegible]
tim air an bhféusóig, féusóg Aaron; [illegible]
do chuáidh síos go sciorta a [illegible]
3 Mar dhrúcht Hermon, noch [illegible]
ar shléibhtibh Sion; óir is annsin [illegible]
aithin an Tighearna beannughadh [illegible]
beatha go síorruighe.

P S A L M CXXXIV.

Oifig Bhuachaille na Heagluise.

Caintic chéimeadh.

FEuchuidhe, beannuighidhsi an Tigh-
earna, sibhsi a sheirbhíseacha [illegible]
Tighearna uile; sheasfas a ttigh [illegible]
Tighearna sna hoidhchibh.
2 Tógbhaidh súas bhur lámha chum [illegible]
[illegible]

fanchóra, agus beannuigh an Tighearna.
3 Go mbeannuigh an Tighearna thú
as Sion, cruthuigheóir nimhe agus
talmhan.

PSALM CXXXV.

Moladh na bhuachaille & phobuil De. 5 lé hamhaineas na njodhol.

MOluidh an Tighearna; moluidh
ainm an Tighearna, moluidh é, a
sheirbhíseacha an Tighearna.
2 Noch sheasas a ttigh an Tighearna,
a ccúirtibh thighe ar Ndé.
3 Moluidh an Tighearna, óir is maith
an Tighearna, canaidh sailm dhá ainm;
óir atá sé aoibhinn.
4 Oír do thogh an Thighearna Jácob
dhó féin, Israel do bheith na ionn-
mhus áirighe aige.
5 Oír is aithne dhamh gur mór an
Tighearna, agus go bhfuil ar Ttighear-
na ós cionn a nuile dhée.
6 Do rinne an Tighearna gach ní
do thogair féin air neamh agus air
talamh, annsna fairgeadhuibh, agus
annsna huile aigéanuibh.
7 Togbhuidh sé súas na deathuighe
ó fhoirimeal na talmhan, do ní tinn-
teach chum fearthanna; ag tabhairt
na gaoithe amach as a ionnmhusaibh.
8 Noch do bhuáil céaidgheine na
Hégipte ó dhuine go beathach.
9 Do chuir sé comharthadha agus
iongnanta chugadsa, a Égipt ann do
meadhon; air Pharao, agus air a uile
sheirbhíseachaibh.
10 Noch do bhuáil iomad cineadhach,
agus do mharbh Righthe móra.
11 Sihon Righ na Namoríteach,
agus Og Rígh Básan: agus uile ri-
oghachta Chánaain.
12 Agus thug sé a bhfearann mar
oighreacht, na oighreachd Disrael a
phobail féin.
13 A Thighearna, atá hainm go
sionnuighe; a Thighearna, atá do
chuimhne ó ghinealach go ginealach.
14 Oír béaraidh an Tighearna breith-
eamhnus air a dhaóinibh; agus biáidh
aithreachus air a ttáobh a sheirbhíseach.
15 Is airgiod agus ór, íombaighe na
ngcinneadh, obair lámh dáoine.
16 Atá béul aca, agus ní labhraid;
atáid súile aca, agus ní fhaicid síad.
17 Atáid cluása aca, agus ní chlui-
nid; agus ní bhfuil fós anál iona mbéul.
18 Is cosmhuil ríu an lucht do ní
iad; gach a ccuirionn a ndóigh ionnta.
19 A thigh Israel, beannuigh an
Tighearna; a thigh Aaron, beannuigh
an Tighearna.
20 A thigh Lébhi, beannuigh an
Tighearna; sibhsi air a bhfuil eagla an
Tighearna, beannuighe an Tighearna.
21 Go madh beannuigh an Tigh-
earna as Sion, noch chomhnuigheas
ann Jerúsalem. Moluidh an Tighearna.

PSALM CXXXVI.

Atá Dia ar na mhórughadh arson a oibre iongantamhuil, síor-neartmhur.

MOluidh an Tighearna, óir is maith
é: óir [mairigh] a thrócaire cho-
idhche.
2 Moluidh Día na ndée; óir [mairigh]
a thrócaire choidhche.
3 Moluidh Tighearna na ttighearnadh;
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
4 An té do ní ionganta móra; óir
[mairigh] a thrócaire choidhche.
5 An té do rinne na flaithis le heagna;
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
6 An té do shín amach an talamh
ós cionn na nuisgeadh: óir [mairigh]
a thrócaire choidhche.
7 An té do rinne soillsighe móra;
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
8 An ghrian do riaghladh san ló:
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
9 An ghealach, agus na réalta do
riaghladh na hoidhche; óir [mairigh]
a thrócaire choidhche.
10 An té do bhuail a Négipt, maille
re na céidgheinibh: óir [mairigh]
a thrócaire choidhche.
11 Agus thug Israel as a meadhón
sin: óir [mairigh] a thrócaire cho-
idhche.
12 Le láimh láidir agus le righ
sínte amach: óir [mairigh] a thró-
caire choidhche.
13 An té do roinn an mhuir rúadh
a ndá chuid: óir [mairigh] a thrócaire
choidhche.
14 Agus thug air Israel dul thríd a
meadhón; óir [mairigh] a thrócaire
choidhche.
15 Agus do chlaóidh Pháraoh agus
a shlúagh annsa muir rúaidh; óir
[mairigh] a thrócaire choidhche.
16 An té do thréoruidh a dhaoine
san díothramh: óir [mairigh] a thró-
caire choidhche.
17 An té do bhuáil Righthe móra;
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
18 Agus do mharbh Righthe oirdhear-
ca; óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
19 Sihon Rígh na Namoríteach;
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
20 Agus Og Rígh Básan; óir
[mairigh] a thrócaire choidhche.
21 Agus thug a bhfearann mar oigh-
reachd; óir [mairigh] a thrócaire cho-
idhche.
22 Oighreacht Dísrael a sheirbhíseach:
óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
23 Noch do chuimhnigh oruinn ionar
staid uirisil; óir [mairigh] a thrócaire
choidhche.
24 Agus dfuasgail sinn ó ar naimh-
dibh; óir [mairigh] a thrócaire choidhche.
25 Do bheir sé arán do uile
fheóil; óir [mairigh] a thrócaire
choidhche.
26 Moluidh Día nimhe; óir [mair-
igh] a thrócaire choidhche.

PSALM CXXXVII.

Bhádar na Judaighe buaiteach ina ccibh-dimh, fa bhruid Bhábiloin.

 Láimh

LAimh ré srothaibh Bhabilón, ann sin
do shuigheamar, do guileamar fós,
mar do chuimhnigheamar Sion.
2 Do chrochamar ar gcláirseacha air
shuileógaibh iona meadhón sin.
3 Oir annsin diarradar on lucht do
rug a láimh sinn bríathra ceóil, agus an
dream do rinne carnáin dinn, lúathghaire,
[ag rádh] Canaidh dhúinn [cuid] do
chainticibh Sion.
4 Cionnus chanfam caintic an Ti-
ghearna a ttalamh coimhthightheach?
5 Má dhearmaduim thusa, ó Jerusalem,
dearmadadh mo lámh dheas a gliocas.
6 Ceangladh mo theanga dúachtar mo
bhéil, muna ccuimhnighe mé ortsa, muna
ttogsa mé Jerusalem ós cionn mullaigh
mo sholáis.
7 Cuimhnigh, a Thighearna, clann
Edom a ló Jerusalem, noch a dubhairt:
Tochlaidh, tochlaidh í go nuige a hí-
ochdar.
8 O, a inghean Bhabilón noch dhíoth-
láirighear, budh sona an té aithdhí-
olfas leatsa do luaigheacht noch do
dhíol tú linne.
9 Budh sona an té noch ghlacfas a-
gus bhuáilfios do naóidhin a naghaidh
na cairge.

PSALM. CXXXVIII.

Buidheachas na ndaóine tar eis a nsaoradh.

Psalm Dháibhi.

MOlfa mé thú lem uile chroidhe; ós
coinne na ndée cansa mé salm dhuit.
2 Do dhéana mé adhra chum paláis
do náomhthachta, agus molfa mé hainm
ar son do thrócaire, agus thfirinne:
óir do mhóraidh tú do bhriathar red
ainm uile.
3 Annsa ló mar do gháir mé, do fhrea-
gair tú mé: do fhairsingidh tú neart ann
manam.
4 A Thighearna, molfaid Righthe na
talmhan thú: óir do chualadar briathra
do bhéil.
5 Agus do dhéanaid céol a slighthibh
an Tighearna: óir is mór glóir an Ti-
ghearna.
6 Biodh gur hárd an Tighearna, gi-
dheadh do chí sé an tumhal, agus aith-
nighe sé an tuáibhreach a bhfad úadh.
7 Má shiubhluim a meadhón an chumh-
gaidh, aithbheochuidh tusa mé: ar son
fheirge mo námhad sinse tú úait do
lámh; & tárthocair mé lé do láimh dheis.
8 Coimhlíonfa an Tighearna [a obair]
ar mo shonsa: atá do thrócaire, a Thi-
ghearna, go síorruidhe: ná tréig obair
do lámh.

PSALM. CXXXIX.

Feabhas fhreasduil Dé um chumtha an duine.

Don phrimhfhear ceóil, Psalm Dháibhi.

A Thighearna do chuartuigh tú mé go
léir, agus daithin tú mé.
2 Is aithne dhuit mo shuighe, & méir-
ghe: tuige tú mo smuáineadh a bhfad uáit.
3 Spiona tú mo chasán, agus mo luidhe
síos, agus atá tú éolach air mo shligh-
thibh uile.
4 An tan nach bhfuil an focal ar
theangaidh, féuch, a Thighearna, is
thne dhuitse sin uile.
5 Am dhiaigh agus romham
tú am thimchioll; leagaidh tú do
orum.
6 Is iongantach héolus ós mo
atá sé árd, ní fhéaduim rochtuin
7 Cá háit a rachaidh mé ó do
nó cá háit a tteighfe mé ó do radhurc
8 Má théighim súas go
atá tusa ann; má ullmhuighim mo
baidh a nifrionn; feuch, atá tú
lathair.
9 Má ghabuim sciatháin na maidne
má chomhnuighim a rannaibh
lacha na mara.
10 Ann sin fós tréorochuidh do lámh
sa mé; agus coinneomhuidh do lámh
dheas mé.
11 Agus má deirim, folóchuidh
an dorchadus mé go deimhin:
noidhche go dearbhtha na
thimchioll.
12 An dorchadus féin ní
ghionn uaitsi; agus do bheir a
solus uaithe mar an lá: mar as
chadus is amluidh sin atá an solus.
13 Oír do shealbhuidh tú mo
dfoluigh tú mé a mbroinn mo
14 Molfa mé thú, do bhrigh
ndéarnadh mé go hiongantach re
reachuibhsi; is oirdheirc hoibreacha,
gus atá a fhios sin aig manamsa go
mhaith.
15 Ní raibh mo neart a bhfolach
sa an tan do rinneadh mé a
gus do hoibrigheadh mé go
tá a rannaibh iochtaracha na talmhan.
16 Do chonncadar do shúile mo
míochumtha, agus do bhádar uile
obbtha ann do leabharsa, cia an lá
dhéantaoi a ndeilbh, an tan nach raibh
aon díobh!
17 Ar a nadhbharsin cred é mhór-
luaigh atáid do smuáintighthe dhamhsa,
a Dhé? cred é mhéud a nuibhir?
18 Dá náirmhim íad, is lia iad le a
gcomháireamh, ná an gaineamh;
luim, agus atáim do ghnáth agadsa.
19 Má mharbhann tú na cíontaigh, a
Dhé: a dhaóine fuilteacha, imthighidh
uáimse.
20 Noch labhras, ad aghaidh go
chóideach, agus do naimhde
[hainm] go díomhaóin.
21 Nach bhfuil fúath agamsa orra,
Thighearna, agá bhfuil fúath orta?
agus nach bhfuil fearg orum
ndroing éirghios súas ad aghaidh.
22 Lé fúath diongmhálta fúathuighim
íad; atáid mar naimhde agam.
23 Cuartuigh mé, a Dhé, agus tuig
chroidhe: teastuidh mé, agus tuig
smuaintighe.
24 Agus féuch an bhfuil slighe
bith chiontach ionnam, agus tréoruigh
mé a slighe na síorruidheachta.

PSALM

PSALM. CXL.

Guidhe anaghaidh fhoiréigin & chealg na ndroch-dhaoineach.

Don phríomhſhear ceóil, Pſalm Dháibhi.

Saor mé, a Thighearna, ón droch-
dhuine: ó fhior a nfoiréigin coimh-
éad mé.
2 Noch ſmuáinios urchóid a gcroidhe;
ar feadh an laói cruinnighid a gceann
a chéile chum cogaidh.
3 Do ghéaruigheadar a tteangtha a-
mhail naithir nimhe: atá nimh naith-
reach iona mbéul.
4 Coimhéad mé, a Thighearna, ó
lámhaibh na cciontach: dídin mé ó
fhior a nfoiréigin, noch ſhaóilios mo
choiſcéime do chlaóidh.
5 Dfoluigheadar na huáibhrigh an
paintéar am choinne, agus corduighe:
do ſhíneadar líon ré taobh na ſligheadh,
do chuireadar innle am choinne.
6 A dubhairt mé ris an TTighearna,
Is tuſa mo Dhía: cluin, a Tighearna,
guth mathchuingheadh.
7 A Thighearna a Dhé, neart mo
ſhlánuighthe, dfholuigh tú mo cheann a
ló an chatha.
8 Ná deónuidh, a Thighearna, míana
na gciontach: agus ná criochnuigh, a
Thighearna, a ttionnſgnamh; go nach
árdeochuid iad féin.
9 Ar ſon cheann na ndaóine, noch
thimchiollas mé fá gcuáirt, folchadh
aimhleas a mbéil féin iad.
10 Tuiteadh gúal orra, teilgthear
annſa teine iad, a bpollaibh doimhne,
iondus nach néirghid.
11 Ní daingnithior fear na droich-
theangtha ar talamh; fear a nfoiréigin
do dhéana urchóid ſealg air chum a
dhibeartha.
12 Is aithne dhamh go ndéana an
Tighearna ceart don bhuaidheartbach,
& breitheamhnus do nuireasbhuidheach.
13 Go deimhin molſa an fíréun
hainm; biáidh an ceart na chomh-
nuidhe air haghaidh.

PSALM CXLI.

Guidhe ar a jarratas do thaitneamh ré Diá, & fós ar achmhuſan bheith tarbhach ó dhaoinibh.

Pſalm Dháibhi.

A Thighearna, èighim chugadſa, déan
deithfir chugam; tabhair éiſteacht
dom ghuth an tan ghairim ort.
2 Bíodh murnaigh ar na díriughadh ós
coimne haighthe mar thúis, tógbháil ſúas
mo lamh mar íodhbairt an tráthnóna.
3 Cuir, a Thighearna, faire air mo
bhéal: coimhéad dorus mo phuiſíneadh.
4 Ná cláon mo chroidhe chum droich-
neithe, chum droichghníomha do dhéa-
namh ré daóinibh noch oibrighios
urchóid: agus ná léig dhamh ithe dá
mbíadhuibh millſi.
5 Buaileadh an fíreun mé, budh cineul
dhamh ſin: fós imdheargadh ſé mé,
budh ola ſin nach briſfidh mo cheann:
biáidh fós mo ghuidhe léo iona nanacair.
6 Mar bhéid a mbreitheamhuin ar
na tteilgionn líos lé táobhuibh na
cairge, annſin cluinfid mo bhríathraſa,
óir is aóibhinn iad.
7 Mar thochlas neach, agus ſcoil-
tios ſé [connadh] air an ttalamh, atáid
ar gcnámha ar na ſgacadh a ttim-
chioll bhéil na huaighe.
8 Acht chugadſa, a Dhía mo Thi-
ghearna, atáid mo ſhúile: ionnadſa
do chuir mé mo dhóigh, na léig
manam gan dídean.
9 Cumhduigh mé ar neart an phain-
téar, noch do ſhuigheadar am choinne,
& air innlibh luchta oibrighthe na hur-
chóide.
10 Tuiteadh na ciontuigh iona líontaibh
féin, an feadh bhías miſi ag dól thairis.

PSALM CXLII.

Gearan duine fa dhoilgbios mhor.

Pſalm teagaiſg Dháibhi; urnaigh an
tan do bhí ſé ſan nuámhaigh.

Rem ghuth do gháir mé chum an
Tighearna; rem ghuth do rinnios
mo ghuidhe chum an Tighearna.
2 Do dhóirt mé mo ghearán amach
ós a choinne, dfoillſigh mé manacair
iona fhiadhnuiſe.
3 A nuair do bhi mo ſpiorad claóidh-
te ionnum, annſin bá haithne dhuitſi
mo chaſán: annſa tſlighe ionar ſhiubhail
mé, do chuireadar paintéar romham.
4 Dféuchus air mo láimh dheis, agus
damhaircios, agus ní raibh áon do
aithneochadh mé; do mheith dídean
orum, ní raibh áon do íarr manam.
5 Do gháir mé chugadſa a Thigh-
earna, a dubhairt mé, Is tuſa mo dhíd-
ean, mo chuid ronna a ttalamh na mbéo.
6 Tabhair aire dóm éigheamh, óir
atáim ar miſliughadh go mór: ſaor
mé ar lucht mainleanamhna, oir atáid
ro neartmhar am aghaidh.
7 Tabhair manam as prioſún; ion-
dus go molfuinn hainm: iadhfuid na
fíréin am thimchioll, oir biáidh tuſa
ttiodhlaiceach dhamh.

PSALM CXLIII.

An ſeachtmhadh Pſalm aithrighe.

Pſalm Dháibhi.

A Thighearna, cluin murnaigh, tabhair
éiſdeacht dom athchuinge, ann thfír-
inne freagair mé, & ann thfíréantacht.
2 Agus ná téigh a mbreitheamhnus
le do ſheirbhíſeach; óir ní fíreantar
neach béo ann thfhiadhnuiſe.
3. Oir do rinne an námhaid ma-
nam do ainleanmhain, do leag ſé ma-
nam chum na talmhan: thug ſé orum
comhnuighe do dhéanamh a ndorchadas
mar an druing atá marbh re fada.
4 Agus atá mo ſpiorad claóidhte
ionnam, atá mo chroidhe ionnam a ſtigh
mearuighthe.
5 Do chuimhnigh mé air a tſeanaimſir,
do ſmuáin mé ar hoibreachuibhſe uile,
do ſmuáin mé ar oibreachaibh do lamh.
6 Do ſhín mé ó chéile mo lámha
chugadſa, atá manam mar an ttalamh
tartmhar chugad.

7 Déan deithnios, cluin mé, a Thigh-
earna, atá mo spiorad ag meirtniugh: ná
foluigh haghaidh uáim, deagla go mbéinn
cosmhuil ris an ndroing noch théid sios
annsa log.
8 Tabhair orum do thrócaire do chlois-
dion air maidin, óir is ionnadsa chuirim
mo dhóigh: tabhair orum an tslighe
daithniughadh, ann a siubhola mé; óir is
chugadsa thógbhuim súas manam.
9 Saor mé óm naimhdibh, a Thighear-
na; chugadsa theithim dom fholach.
10 Múin damh do thoil do dhéanamh,
óir is tú mo Dhía; tréoruigheadh do
dheighspiorad mé a steach a ttalamh an
díorghuis.
11 Béodhuigh mé, a Thighearna, ar
son hanma féin, ann thfiréantachd bhéa-
ras tú manam amach as anatair.
12 Agus ann do thrócaire geárrfa tú
mo uile naimhde, agus sciriosfa tú gach a
ttig a ttimchioll manma; óir is mé do
sheirbhíseach.

PSALM. CXLIV.

Buidheachas a ndiaigh buaigh: 12 lé urnaigh a leith a naos óg.

Psalm Dháibhí.

GO madh beannuigh an Tighearna
mo charruic, noch mhúinios mo lá-
mha chum catha, mo mhéir chum co-
gaidh.
2 Mo thrócaire agus mo dhaingionn,
mo dhídion agus mfear sáortha, mo sgi-
ath, agus an té ann a gcuirim mo dhóigh,
noch umhluighios mo dhaoine súm.
3 A Thighearna, cred é an duine, as
a mbeirionn tú aithne air! mac an duine,
as a ttugann tú meas air?
4 Is cosmhuil an duine le díomhaoi-
nios; atáid a láethe mar scáile ag dul
seacha.
5 A Thighearna, cláon do fhlaithis,
agus tárr a núas: bain ris na sléibhtibh,
agus do dhéanaid deatach.
6 Teilg uáit amach tinnteach, agus
spréidh iad; cuir uáit amach do shoigh-
de, agus claóidh iad.
7 Cuir uait do lámh ó a núas, sáor mé,
agus tárthaigh mé ó na huisgeadhuibh
móra, ó láimh na cloinne coigcríghe:
8 Noch a labhraid a mbéil díomhaói-
nios, agus a lámh dheas gur lámh dheas
bhréige í.
9 O a Dhé, canfa mé caintic núadh
dhuit air an tsailmchéolach, agus air
instrument deith ttéad chanfas mé sailm
dhuit.
10 An té do bheir slánughadh do
Ríghthibh: an té thárthuighios Dáibhi
a sheirbhíseach ó chloidhiomh a nuilc.
11 Tárthuigh, agus sáor mé ó láimh
ccloinne an choimhthighidh, noch a la-
bhrann a mbéul díomhaoineas, agus a
lámh dheas gur lámh dheas bhréige í.
12 Ionnus go rabhaid ar mic mar
plannduighe móra ag fás iona nóige;
ar ningheana mar clocha cruinne ar na
ngearradh, do réir chosamhlacht phálais.
13 Ar sgioboil lán ag tabhairt a [illegible]
chinéul stóir úatha; ar dtréuda ag [illegible]
milte agus deich milte ionar sráidibh.
14 Ar ndaimh lán dfeóil, [illegible]
seadh a steach, ná dul amach; ná [illegible]
ann ar sráidibh:
15 Is sona na daóine atá [illegible]
riochdsa: as sona na daóine, gha [illegible]
an Tighearna na Dhía aca.

PSALM. CXLV.

Psalm buidheachuis, arson mhóirghníomh [illegible] *mhórthrócaire Dé.*

Psalm molta Dháibhí.

MOlfa mé thú ós áird, mo Dhía, [illegible]
Rígh, agus beinneochad [illegible]
choidhche, agus go bráth.
2 Gach áon lá beinneochaidh mé [illegible]
& molfad hainm choidhche & go brát[h]
3 Is mór an Tighearna, agus is [illegible]
mholta go ro árrachta, agus ní [illegible]
cúartughadh air a mhórdhacht.
4 Molfa ginealach hoibreacha do gh[i-]
nealach oile, agus foillseochaid do [illegible]
mha cumhachtacha.
5 Laibheora misi air dhath[illegible]
glóire do mhórdhachta, agus air do [illegible]
omhuibh iongantacha.
6 Agus laibheoruid dáoine air [illegible]
do ghníomh uathbhásach, agus [illegible]
misi do mhórdhachd.
7 Laibheoruid siad ós áird [illegible]
mhaitheasa móire, agus canfuid [illegible]
tachd.
8 Atá an Tighearna grásamhuil [illegible]
lán do thruáighe, fadfhuilingtheach, [illegible]
mórthrócaireach.
9 Is maith an Tighearna do [illegible]
atá a thrócaire ós cionn a [illegible]
uile.
10 Molfuid hoibreacha uile thú, [a]
Thighearna, agus beinneochuid [illegible]
naóimh thú.
11 Laibheoruid siad ar ghlóir [illegible]
ríoghachd, agus do dhéanaid [illegible] air do
neart,
12 Do chur a mhóirgh[illegible], agus
mhórdhachd ghlórmhar a [illegible]
numhail do chloinn na ndaoine.
13 Is ríoghacht síorruigh do ríoghach[-]
tasa, agus do chumhachda tré [illegible] gh[i-]
nealach.
14 Congmhaidh an Tighearna [illegible]
gach a mbí ag tuitim, agus tógbh[illegible]
súas a nuile chlaonas síos.
15 Feithchid súile a nuile ortsa, agus [illegible]
bheir tú a mbiadh dhóibh iona [illegible]
16 Folclaidh tú do lámh, agus [illegible]
tú mían a nuile neithe béo.
17 Is fíréunta an Tighearna [illegible]
shlighthibh, agus is náomhtha [illegible]
bribh uile.
18 Is fogus an Tighearna da [illegible]
aon ghoirios air, do gach áon gh[illegible]
air a bhfírinne.
19 Coimhlionfa sé mían na [illegible]
air a bhfuil a eagla: agus [illegible]
ngáir, agus sáorfa sé iad.
20 Coimhéaduigh an Tighearna [illegible]

[...] bionmhuin é, agus ſcrioſſa ſe na
[...] chiontoigh.
21 Laibheoruidh mo bhéul moladh
an Tighearna: agus beannuigheadh a
[...] fheóil ainm a naomhthachda cho-
[...]che, agus go bráth.

PSALM CXLVI.

*[...] Dia ar cabhair re feidhm, & nach
[...] duine do ſhlol Adhaimh.*

MOluidh an Tighearna: ó manum,
mol an Tighearna.
2 Molſa mé an Tighearna ann mo
bheatha: canſad ſailm dom Dhia an
[...]adh mhairſiod.
3 Ná cuirfidh bhur ndóigh a bprionn-
[...]ibh, nó a mac an duine, ann nach
bhfuil ſláinte.
4 Téid a anal amach, fillſidh ſé
[...] a thalmhan, meathaid a ſmuain-
tighthe an láſin féin.
5 Is ſona an té aga bhfuil Día Jácob
aige mar chabhair, agá a bhfuil a dhóigh
annſa Tighearna a Dhía féin.
6 Noch do rinne neamh agus talamh,
an mhuir, agus a nuile ní atá ionnta:
noch chongmhas fírinne go ſíorruidhe.
7 Ag cur bhreitheamhnuis a gcrích
don té do laguigheadh, ag tabhairt
arán do nocrach: fúaſclaidh an Tigh-
earna na prioſúnaigh.
8 Foſgluidh an Tighearna ſúile na
ndall, tógbhuidh an Tighearna ſúas an
drong chláonas ſíos, is ionmhuin leis an
Tighearna na firéin.
9 Coimhéaduigh an Tighearna an
duine coigcríche; an dílleachta agus an
bhaintreabhach tógbhaidh ſé ſúas: acht
cuiridh ſé ſlighe an chiontoigh bun ós
cionn.
10 Biáidh an Tighearna a ríoghacht
go ſíorruidhe, do Dhiaſe, a Shíon, ó
ghinealach go ginealach: moluidhſi an
Tighearna.

PSALM. CXLVII.

*Is ionmholta Dia, do chionn, 12 gur neart
na Rígheachta é, 19 & na Heagluiſe.*

MOluidhſi an Tighearna; óir is maith
ſailm do chanadh dár Ndía: óir
is dathamhuil, agus is aóibhinn a
mholadh.
2 Foirgnighe an Tighearna Jeruſalem:
cruinnigh ſé a gceann a chéile díbear-
thoigh Iſrael.
3 Leighioſaigh an briſte a ccroi-
dhe, agus ceangluigh ſúas a ndoil-
ghíosa.
4 Airmhigh ſé uibhir na rêultann: do
bheir ſé anmanna orra uile.
5 Is mór an TTighearna, agus is
mór chumhachtach: ní bhfuil áireamh
ar a thuigſin.
6 Togbhuidh an Tighearna ſúas an
ceannſuigh: teilgidh an ciontach ſíos
chum na talmhan.
7 Canaidh don Tighearna ré moladh:
canaidh ſailm chum ar Ndé air a
gclairſigh:
8 Noch fholchus neamh ré néullaibh,
noch ullmhuighias fearthuinn don ta-
lamh, noch do bheir air fhéur fás air
na ſléibhtibh.
9 Do bheir ſé do nainmhidhe a bhí-
adh; agus do na fiachoibh óga noch
ghàirios.
10 Ni bhí a dhúil a neart a neich, ní
bhíonn dúil aige a ccoſaibh an duine.
11 Bí dúil aig an TTighearna annſa
lucht air a mbí a eagla, noch chuirios
dóigh iona thrócaire.
12 Mol an Tighearna, ó Jeruſalem:
molſa an Tighearna, a Shíon.
13 Oír do neartuigh ſé barradha do
dhoirſi, do bheannuigh ſé do leinibh
ann do mheadhón.
14 Suighidhe ſé ſíothcháin ann hi-
miol, lé méathas cruithneachta ſáſuighe
ſé thú.
15 Cuiridh ſé a rádha air an ttalamh,
is ro lúath rithios a bhríathar.
16 Do bheir ſé ùadh ſneachta amhuil
olann, ſpreidhe ſé an ſioc liath amhuil
luáith.
17 Teilgidh ſé amach a leac oidhre
mar ghreamanna; cía fhéadas ſeaſamh
ós cuinne a ſheaca!
18 Cuirfidh ſé a bhríathar úadh, agus
leagha ſé íad; ſeidſe lé na anáil, agus
rithid na huiſgeadha.
19 Foillſighe ſé a bhríathar do Jácob,
a ſtatúidigh agus a bhreitheamnuis
Díſrael.
20 Ní dhéarnuidh amhluidhſin do
chineadh ar bith: agus a bhreitheamh-
nuis níor bhaithne dhóibh iad. Moluidh
an Tighearna.

PSALM CXLVIII.

*Is cubhaidh do chréatuiribh neamhdha, 7 do
bheathacháibh talmhuidhe, 11 & do dhaoi-
nibh tuigſionacha, Dia do ghlorughadh.*

MOluidh an Tighearna, Moluidh an
Tighearna ó na neamhuibh; mo-
luidh é annſna hárduibh.
2 Moluidh é, a aingle féin uile: mo-
luidh é a ſhlúagh uile.
3 Moluidh é a ghrian agus a ghealach;
moluidh é a uile réulta an tſoluis.
4 Moluidh é a neamha na neamh, agus
na huiſgeadha atá os cionn na neamh.
5 Molaidis ainm an Tighearna; óir
do aithin ſé, agus do cruthuigheadh iad.
6 Agus do dhaingnidh ſé choidhche,
agus go bráth, iad; thug ſé reachd
úadh, agus ní ſaireochthar í:
7 Moluidh an Tighearna ón ttalamh,
a dhragúna agus a uile dhoimhne.
8 Teine, agus cloichſhneachda, ſnea-
chda agus deathuigh, gaoth anfadhach
ag coimhlíonadh a bhréithre.
9 Na ſléibhte, agus na huile chnoic,
croinn thoraidh agus a nuile Shéadar.
10 An beathach állta agus a nuile
ainmhidhe, gach ní ſhnáighios agus éun-
laith ſciathán.
11 Ríghthe na talmhan agus na huile
dhaoine, prionnſoighe agus uile bhreith-
eamhuin na talmhan.

12 Oigfhir agus fós maighdiona óga, seandaóine agus leinibh.

13 Molaidis ainm an Tighearna; óir atá a ainm amháin ar na árdughadh go hoirdheirc, atá a ghlóir ós cionn na talmhan agus na neamh.

14 Agus dárduigh sé adharc a dhaóine, moladh a naómh uile: chlanna Israel, na daoine atá a bhfogus dó. Moluidh an Tighearna.

PSALM CXLIX.

Caintic bhuaghach na bfear bheannuighte, fadbeire.

MOluidh an Tighearna: canuidh don Tighearna caintic núadh, bíodh a mholadh a gcoimhthionól na náomh.

2 Déanadh Israel lúathgháire iona cruthaighthеóir; déindis clann Shíon sólás ann a Rígh.

3 Molaidis ainm air an bpíob, air an tábur mbig, agus air an gcláirsigh canaidis salm dhósan.

4 Oir atá dúil ag an T Tighearna iona dhaóinibh, scéimhigh sé an ceannsuigh ré slánughadh.

5 Déanaidis na naóimh lúathgháire a nglóir, comhgháirdís iona leabuidh.

6 Bídh árdmholadh Dé ann a mbéul, & cloidhiomh dhá faobhar iona láimh.

7 Do dheanamh dioghaltais air na gcinidhibh, smachtuighthe air na daóinibh.

8 Do cheangal a Ríghthe lé slabhradhuibh, a nuaisle lé fainnighibh iarainn.

9 Do chur an bhreitheamhnuis scríobhtha a gcrích orra: is onóir so dá náomhuibh uile. Moluidh an Tighearna.

PSALM CL.

Is cóir Dia do árdmholadh ar gach uile chor; leis an uile inneal, & lé ar nuile anam.

MOluidh an Tighearna: moluidh Dia iona náomhthacht; moluidh é iona spéiribh a chumhacht.

2 Moluidh é iona mhóirghníomhaibh: moluidh é a niomad a mhórdhachta.

3 Moluidh é ré guth an trumpa; moluidh é leis an tsáltair agus leis a gcláirsigh.

4 Moluidh é leis an dtábuir mbig, agus leis an bpíob: moluidh é lé adhbhuibh téud, agus leis a norgán.

5 Moluidh é le gothaibh árda na bhfeadán: moluidh é leis an bhfeadán gcaolghothach.

6 Moladh a nuile anál an Tighearna. Moluidhsi an Tighearna.

NA SEANRAITE.

CAIB. I.

A fé tosach & daingniughadh an ghliocuis, eagla Dé.

SEánráite Sholaimh mhic Dáibhi, Rígh Israel.

2 Daithniughadh eagna, agus teagaisg, do thuigsin bhriathar ttuigsionach.

3 Do ghlacadh teagaisg na heagana, an cheirt, an bhreitheamhnuis, agus an chomhthruim.

4 Do thabhairt géarchúise don tsimplidh, eóluis & deiscréide don duine óg.

5 Eistfidh an duine críonna, agus méideochuidh sé foghluim: agus tiucfa duine tuicsionach chum comhairleach ccríonna.

6 Do thuicsin seanfhocail, agus dá chiallughadh, briathra na neagnuidhe, agus ráite dorcha.

7 Asé eagla an Tighearna tosach a néoluis; acht disbeaguid na hamadáin eagna agus teasgasg.

8 A mhic, éisd ré teasgasg hathar, agus ná tréig dligheadh do mhathar.

9 Oir béid siad iona ccórughadh grás dot chionn, agus na slabhradhuibh timchioll do bhrághad.

10 A mhic, má bhrosduighid peacaich thú, ná haontuigh léo.

11 Má deirid siad, Tárr linn, cuiriom luidheachán air fhuil, luidhiom a bhfolach ar chionn an neimhchiontaigh gan chúis:

12 Sluigiom súas iad béo, agus iomlán mar a nuaigh, mar an ndruing théid síos annsa pholl.

13 Do gheabham gach uile mhaóin mhórluáigh, líonfam ar ttighthe lé héadáil.

14 Teilg a sleach do chrannchar ar measg, bíodh áonsparán aguinn uile.

15 A mhic, ná siubhailsi annsa tslighe léo: congmhaidh air hais do chos ó na ccasán.

16 Oir rithid a ccosa chum uilc, agus do níd deithnios do dhórtadh fola.

17 Go deimhin is díomhaóin an líon do spréadhagh a radharc éainní air a mbí sgiathán.

18 Agus cuirid siad luidheachán ar a bhfuil féin: luighid a ma gcaos air a nanmannaibh féin.

19 Mairsin atáid slighthe gach uile dhuine dà mbí sanntach chum éadála: noch bheanas a nanam as a ndruing ler leis í.

20 Eighidh a Neagna amuigh; leigidh si amach a guth annsna sráidibh.

21 Eighidh si annsa náit is mó tathuighthe, a noscaltaibh na ngeatadh: a deir si a briathra annsa chathraigh, [ag rádh.]

22 Ga fad, a dhaóine simplidhe, ghráidheochtaoi simplididheacht? agus bhías dúil ag na tarcuisneachaibh iona ttarcuisne, agus fúathochuid amadáin an eagna?

23 Fillidhsi re mo achmhusánsa; féach, dóirtfidh mé amach mo spiorad chugaibh, bhéara mé fios mo bhriathar dáibh.

24 Do bhrígh gur ghoir mé, agus gur dhiúltabhairsi, gur shín mé mo lámh amach, agus nach ttug áon duine aire.

25 Acht do chuireabhair mo chomh-
airle uile a neimhni, agus níor bháill
libh machmhuſan.
26 Do dhéana miſi fós gáire fa bhur
ndonaſſa: do dhéana mé magadh a
nuair thiucfas bhur neagla.
27 A nuáir thiucfas bhur neagla amhail
léirgrios, agus thiucfas bhur milleadh
amhuil gaoth ghuáirdéain; a nuáir thioc-
fas aindeiſi agus cumhgach oruibh.
28 Annſin gairfid ſiad orumſa, acht
ní fhreigeora mé: iarrfuid mé go moch,
acht ní bfaghaid ſiad mé.
29 Do bhrígh gur fhuathuigheadar éo-
lus,& nar thoghadar eagla an Tighearna.
30 Níor bháill léo mo chomhairleſi, do
dhiſbeagadar machmhuſan uile.
31 Uimeſin iosfuid ſiad do thoradh a
ſlighe féin, agus líonfuighear iad dá
dtionnſcantaibh féin.
32 Oir muirfidh ſuaimhneas na nama-
dán iad, agus ſcriosfuidh ſonas na nóin-
mhideadh iad.
33 Acht gidh bé éiſtios riomſa,
áitreobhuidh ſé go daingean agus biáidh
ſé ſuáimhneach ó eagla a nuilc.

C A I B. II.

Stuibh dìleas 10 *ár deagh-chleachtadh na heagna.*

A mhic, má ghabhann tú mo bhríath-
raſa, agus maitheanta dſolach
agad féin;
2 Iondus go ccláonfa tú do chlúas
chum na heagna, agus go ttiubhra tú
do chroidhe don tuigſin.
3 Má éighionn tú fós a ndiáigh éoluis,
agus go ttóigſe tú do ghuth ſuas chum
an tuigſiona.
4 Má iarrair í amhuil airgiod, agus
go ſpionfuidh tú da hiarruidh mar ionn-
mhuſaibh foluightheacha.¶
5 Annſin tuigfidh tú eagla an Tigh-
earna, agus do gheabha tú éolus Dé.
6 Oir iſé an Tighearna do bheir
eagna; is as a bhéul [thig] an téolus,
agus an tuigſe.
7 Do ní ſé ſtór gliocuis iomláin do
nfíréun: bí ſé na ſcéith don druing
ſhiubhluighios go hionnraic.
8 Coimhéaduigh ſé caſáin an bhreitheamh-
nuis,& cumhduighidh ſé ſlighe a náomh.
9 Ann ſin tuigfidh tú fíreantacht agus
breitheamhnus, agus comhthrom; fós
gach uile dheaghſhlighe.
10 A nuáir rachus a neagna a ſteach
ann do chroidhe, agus bhías éolus tait-
neamhach dot anam:
11 Cuimhdeochuidh deiſcréid thú,
coimhéadfuidh tuicſe thú:
12 Dot ſháoradh ó ſhlighe an drochdh-
uine, ón duine labhras neithe éaigcneaſta.
13 Noch thréigios ſlighe a nionnracais,
do ſhiubhal a ſlighthibh an dorchadais.
14 Noch lúathgháirighios um dhéa-
namh uilc, agus dhúilighios a néigcneaſ-
dacht na cciontach.
15 A bhfuilid a ſlighthe cam, agus
iad éaigcneaſta iona ſlighthibh.
16 Dot ſháoradh air an mnaói cho-
imhthighidh, eadhon an coimhthigheach
noch mheallus le na bríathruibh:
17 Noch thréigios éoluighe a hóige,
agus dhearmadas cunnradh a Dé.
18 Oir cláonuidh a tigh chum báis,
agus a caſáin chum na marbh.
19 Ni ſhilleann áonduine dá ttéid
go nuige í a rís, ni mó ghlacaid ſiad
greim do chaſánaibh na beatha.
20 Go madh héidir leatſa imtheacht
a ſlighthibh na ndaoine maith, agus
coiſcéime na bhfíréun do choimhéad.
21 Oir coimhneochuidh an tionnraic
annſa dúthaigh, agus buáineochuidh an
[duine] iomlan innte.
22 Acht géarrfuighthear na droch-
dhaóine amach as an ttalamh, agus to-
chaltar lucht an tſaruighthe as amach.

C A I B. III.

Luaidheachd ar Aitheantaibh Dé do choimhéd.

A mhic, ná dearmaid mo dhligheadh: acht coimhéadadh do chroidhe mai-
theanta.
2 Oir do bhéaruid ſiad chugad fad
láetheadh, agus ſáoghal fada, agus
ſíothcháin.
3 Ná tréigeadh trócaire agus fírinne
thú: ceangail fad bhrághaid iad,
ſcríobh iad ar chlár do chroidhe.
4 Marſin do gheabha tú fabhar, agus
tuigſi mhaith a radharc Dé agus duine.
5 Cuir do dhóigh a Ndia re do uile
chroidhe,& ná bí taobh ré do thuigſi féin.
6 Ann do ſhlighthibh uile admhuigh
eiſion, agus do dhéana ſé do ſhlighthe
díreach.
7 Na bí glic ann do ſhúilibh féin: bí-
odh eagla Dé ort, agus ſeachain an tolc,
8 Biáidh ſin na ſhláinte dot imlinn
agus na ſmior dot chnámhuibh.
9 Onóruidh an Tighearna le do
mhaóin, agus le primidil huile bhiſigh.
10 Marſin líonfuighear do ſcioból lé
ſaidhbhrios, & briſfid do chantaóirighe
amach le fíon nuadh.
11 A mhic, na tarcuiſnigh ſmachtu-
ghadh an Tighearna; agus na bí cuir-
the dhá cheartughadh.
12 Oir an té ghrádhuighios an Tigh-
earna,ſmachtuighidh ſé é, amhuil [ſmach-
tuighios] athair an mac iona mbi a dhúil.
13 Is ſona an té do gheibh eagna,
agus an duine do gheibh tuigſi.
14 Oir is fearr a ceannuigheacht ná
ceannuigheacht airgid, agus a ſochar ná
ór glan.
15 Is mórluáigh go mór í náid na clo-
cha uaiſle: agus na huile neithe is
áoibhinn leachd, ní coimhmeas ría iad.
16 Atáid fad láethe ann a deaſláimh,
agus ann a laimh chlé ſaidhbhrios agus
onóir.
17 Is ſlighthe ſoláis a ſlighthe, agus
is ſíodhchain a caſáin uile.
18 Is crann beatha í don druing
ghlacus greim dhí,& is ſona gach aon
dá bhfoſoighionn í.

19 Do ſhuighidh an Tighearna an ta-
lamh le na ghliocas, le tuigſe do dhaing-
nidh ſé na flaitheamhnuis.
20 Le na éolus briſtear amach na
haigéin, agus ſilid na néulla an drúcht
a núas.
21 A mhic, ná dealchaidís ſin ré do
ſhúilibh : connuimh gliocas iomlán agus
diſcréid.
22 Marſin béid ſiad na mbeatha
dot anam, agus na ngráſaibh dot
mhuinéul.
23 Ann ſin ſiubholuidh tú ann do
ſhlighe go daingean,agus ní bhfuighe do
chos tuiſleadh.
24 A nuáir luidhfios tú ſios, ní bhía
eagla ort : fós luidhfidh tú ſios, agus
biáidh do chodladh ſáimh.
25 Ná bíodh eagla ort re húamhan
obann, nó re dólás a nuilc a nuáir thiuc-
fas ſé.
26 Oir budh é an Tighearna do bha-
ránta, agus cuimhdeochuidh ſé do chos
ó bheith gabhtha.
27 Ná connaimh maith ón ndruing dar
dúal í, a nuáir bhías ſí a ccumas do
laimhe ré a déanamh.
28 Ná habair re do chomharſuin,Im-
thigh, agus tarr a rís,agus do bhéara mé
[duit] a márach ; a nuáir bhía ſé agad.
29 Ná tionnſcuin olc a naghaidh do
chomharſan, ó áitreabhus ſé go ſuáimh-
neach láimh riot.
30 Ná ceannairg ré duine gan
adhbhar, muna ndéarna ſé dochar ar
bhith dhuit.
31 Ná bí tnúth agad ris an bfoiréig-
eantach, agus ná togh áontſlighe dá
ſhlighthibh.
32 Oir is adhfhúatlmhaireacht don
Tighearna an ceannairgeach : acht atá
a ſhecréid ag an bhfiréun.
33 Atá mallacht Dé a ttigh an
drochdhuine : acht beannuighidh ſé ái-
treabh a nionnruic.
34 Go dearbhtha tarcuiſnighidh ſé
na tarcuiſnigh : acht do bheir ſé gráſa
do na huiriſlibh.
35 Gheabhuidh an duine glic oigh-
reacht ghlóire : acht is náire bhus ár-
dughadh do na hamadánuibh.

CAIB. IV.

Slighe na Heagna, & na bfíreun, na ſholus lonnrach.

EIſtighſi, a chlann, ré teagaſg athar,
agus tugaidh aire déolus tuicſion.
2 Oir do bheirim foghluim maith
dhibh : ná tréigidh mo dhligheadh.
3 Oir bá mé mac mo athar, máoth &
ró cheanamhuil a radharc mo mháthar.
4 Do mhúin ſé mé fós, agus a dubhairt
riom, Glacadh do chroidhe mo bhría-
thra : coimhéad maith eanta, agus mair.
5 Fagh críonnacht, fagh tuigſi, ná
dearmuid í, agus ná cláon ó bhríath-
raibh mo bhéilſe.
6 Ná tréig í, agus cuimhdeochuidh ſí
thú : grádhuigh í,& coimhéadfuigh ſí thú.
7 Aſí a neagna an ní is oirdheirc
[uimeſin] fagh eagna : agus maille re
uile ſhagháil fagh tuigſe.
8 Arduigh í, agus cuirfidh ſiſi thú
ſúas : do bhéara ſí chum onóra thú, a
nuáir theannfas tú leachd í.
9 Do bhéara ſí dot chionn deaghbhi-
ſiughadh grás : coroin ghlóire ſhea-
dus ſí dhuit.
10 Eiſt, a mhic,agus glac mo ráidhe;
agus béid bliadhna do ſhághuil ion-
damhuil.
11 Do mhúin mé thú a ſlighe an ghlio-
cuis : do thréoruigh mé thú a graſuibh
díreacha.
12 A nuáir ſhiubholus tú, ní cumh-
gochthar do choiſcéime, agus a nuair
rithios tú, ní bhfuighe tú tuiſleadh.
13 G'ac greim daingion do thea-
aſg, na léig uáit é ; coimhéad é, óir is
ſin do bheatha.
14 Ná héirigh a ſteach a ccaſan na
gciontach, agus ná himthigh a ſlighe
na ndrochdhaóine.
15 Seachain í, ná gabh inte ; fill
uaithe, agus imthigh romhad.
16 Oir ni chodhluid ſiad muna ndéar-
naid urchóid, agus beirthear a ccodhla
úatha muna ttugaid ar chuid éigin
tuitim.
17 Oir ithid ſiad arán na hurchóide,
agus ibhid fíon a nfoiréigin.
18 Acht bí ſlighe a nfiréun amhuil ſo-
lus lonnrach,noch ſhoillſighios ní ſa mhó,
agus níſa mhó go nuige an lá iomlán.
19 Atá ſlighe na gciontach do réir
an dorchadais : níor ſheadadar creud ó
bhfuighid tuiſleadh.
20 A mhic, tabhair aire dom bhriath-
raibh : cláon do chlúas dom ráidhtibh.
21 Ná léig iadſo as do ſhúilibh : coi-
mhéad iad a lár do chroidhe.
22 Oir is beatha iad don druing
do gheibh iad, agus ſláinte dá bhfeóil
uile.
23 Coimhéad do chroidhe go dith-
chiollach : óir is as ſin thigid toibrea-
cha na beatha.
24 Cuir a bhfad uáit bríathra dom-
blaſda ; comhráidhte mioghráſamhla
cuir a bhfad uait.
25 Féuchaidís do ſhúile go díreach
rompa, agus faicedís forrdhubhha do
ſhúl go ceart romhad.
26 Meas ſlighe do chos , agus bídis
do ſhlighthe uile daingion.
27 Ná fill air an laimh dheis nó
chlé : áthruigh do chos ó nolc.

CAIB. V.

Adibhneas na Geanmnaoidheachta.

AMhic,tabhair aire dom chríonnacht-
ſa, & cláon do chlúas dom thuigſe.
2 Chor go mbía meas agad ar dhiſ-
créid, agus go gcumhduighe do phuſ-
nigh éolus.
3 Oir ſilid puiſinighe mná coimhigh-
thighe

thighe mar chríathar meala ; agus is
míne a béul ná ola.
4 Acht bí a deireadh searbh amhuil
murmónta, géar amhuil cloidheamh
dhá fhaobhar.
5 Teighid a cosa síos gus an mbás ;
beirid a coisgéime greim air ifrionn.
6 Deagla go smuainteóchthá casán na
beatha : ataid a slighthe sóghluáiste,
ionnus nach éidir leachd a naithne.
7 Eistigh riomsa uime sin anois, a
chlann, agus ná dealuidhe ré bríathraibh
mo bhéil.
8 Athruigh do shlighe a bhfad uai-
the, agus ná tárr a ngar do dhorus a
tighe.
9 Deagla go ttiubharthá honóir do
[dhaóinibh] oile, agus do bhliadhna do
nsuilteach.
10 Ar eagla go líonfuidhe coimhthi-
ghidh lé do shaidhbhrios, agus go mbía
do shaothar a ttigh an choimhthighidh.
11 Agus go ccaóinfeá fá dheireadh,
a nuáir chaithtear thfeóil agus do
chorp.
12 Agus go naibeorthá, Ciondus do
fhuathaigh mé teagaisg, agus do thar-
cuisnigh mo chroidhe aithbhear !
13 Agus nar umhluigh mé do ghuth
mo lucht teagaisg, nar chláon mé mo
chlúas don druing do theagaisg mé ?
14 Ni mór nach raibh mé ann gach
uile olc, a meadhon an chomhchruin-
nighthe agus a noireachtuis.
15 Ibh uisge as do thiubruid féin,
agus uisge reatha as do thoibreachaibh
féin.
16 Leathnuighthear thfúaráin amach,
agus do shrotha uisge annsna sráidibh.
17 Bídís agad féin amhain, agus
ní ag coimhthigheachaibh maille leachd.
18 Bíodh thfuarán beannuighe : agus
lúathgháirigh lê mnaói phósta hóige.
19 Bíodh si mar a neilit ghrádhuigh ;
& mar a nagh thaitneamhuigh : sásuigh-
eadh a cíocha thú gách uile uáir, agus
líontar thú a gcomhnuighe le na grádh.
20 Agus cred as a mbeitheása, a
mhic, ar seachran le mnaói choimh-
thigh.dh, agus fa tteannfá le brollach
mná [1] coigcríche ?
21 Oir ataid slightheacha an duine
a bhfiaghnuisi súl an Tighearna, agus
measaidh sé a imtheachta uile.
22 Géabhuid a éaigcearta féin an
ciontach, agus coinneochthar é lé córd-
uibh a pheacaidh.
23 Do gheabha sé bás a néagmhais
teagaisg, agus a nainmhéid a amadán-
achta rachaidh sé a mugha.

CAIB. VI.

*Anaghaidh urrudhas, 6 Leisgeamhlacht,
24 & adbaltrannas.*

A Mhic, má bhionn tú a nurrughas
ar do charaid, má bhuáil tú do
lámh lé coimhightheach,
2 Atá tú ceangailte le briathraibh
do bhéil, atá tú gabhtha, lé bríath-
raibh do bhéil.
3 Déan so anois, a mhic, agus saór
thú féin, a nuáir thiocfas tú a láimh
do charad : éirigh, umhluigh thú féin,
agus marsin buaidheocha tú ar do
charuid.
4 Ná tabhair codladh dot shúilibh,
nó táimhnéull dforrdhubhuibh do shúil.
5 Tárthuigh thú féin mar a neilit as
láimh [a nsiadhuigh] mar a néun as
laimh an stalcaire.
6 Eirigh a ccionn an tseangáin, a lor-
gánuigh, meas a shlighe, agus bí críonna.
7 Ag nach bhfuil treorguightheóir,
feadhmannach, nó úachtarán,
8 Gléasuigh sí a bíadh annsa tsamh-
radh, agus cruinnighidh sí a beathadh
annsa bhfóghmhar.
9 Cá fad bhías tú ad chodladh, a
lorgánuigh ? ca huáir éireochus tú as
do chodladh ?
10 Codladh beag, néull beag, beagán
fillte na lámh do chodladh.
11 Marsin thiocfas do bhochtuine
mar neach bhíos ar sirthiubhal, agus
do ríachtanas mar dhuine armtha.
12 Drochdhuine, duine gan mheas,
siubhluighidh sé le droichbhéul.
13 Sméidigh sé le na shúilibh, la-
bhraidh sé le na chosaibh, múinidh
sé lé na mhéuruibh.
14 Bi urchóid iona chroidhe, tionf-
gnuidh sé urchóid a ccomhnuighe, siol-
chuiridh sé imreasuin.
15 Ar a nadhbharsin tiucfuidh a
anacair go hobann, air ball brisighthear
é gan tárthail.
16 Fúathuighidh an Tighearna na sé
neithe e, fós atá a seacht na adhfhúath-
mhaireacht aige.
17 Féuchuin uaibhreach, Teanga bhréa-
gach, agus Lámha dhóirtios fuil neimh-
chiontach,
18 Croidhe thionsgnas smuaintighthe
urchóideacha, Cosa bhios lúath do rith
chum uilc.
19 Fiadhnuisi bhréagach labhras
bréaga, agus an té Shíolchuirios cean-
nairge idir dhearbhráithribh.
20 A mhic, coimhéad aithne hathar,
agus ná tréig dligheadh do mhathar.
21 Ceangail íad a gcomhnuidhe air do
chroidhe, daingnidh iad timchioll do
mhuinéil.
22 A nuair shiubhólus tú, tréoro-
chuidh sin thú ; a nuáir choideolus tú,
coimhéadfuidh thú ; agus a nuáir mhúis-
scéolus tú, laibheoruidh sé riot.
23 Oir is lóchrann a naithne, agus is
solus an dligheadh : agus a siad iomaith-
bhear an teasgaisg, slighe na beatha :
24 Dot choimhéad ar an droch
mhnaói, ó spleadhachas teangtha na
mná coimhthighidh.
25 Ná las a ndiáigh a scéimhe ann
do chroidhe, agus ná gabhadh si thú le
forrdhubhuibh a súl.

26 Oir tre mhnáoi striopamhuil [be-
irthear duine] chum greama aráin: agus
do dhéana an bhean adhaltrannach sia-
dhach ar an mbeatha mhórluáigh.
27 An bhféadann duine teine do gha-
bháil iona bhrollach, agus gan a éadach
do bheith loisge?
28 An bhféadann duine siubhal ar sméar-
óidibh téo, & gan a chos do bheith loisge?
29 Marsin don tí rachas a bhfarradh
mná a chomharsann, gidh bé ar bith bhe-
anas ría, ní bhiáidh sé neimhchiontach.
30 Ni tharcuisnighid daóine gaduigh,
má ghadann sé do shásadh a anma, a
nuáir bhios sé ocrach.
31 Acht má bheirthior air, aiseoguidh
sé seacht noirid, do béara sé uile
mhaóin a thighe úadh.
32 Acht gidh bé do ní adhaltrannas
ré mnaói, ní bhí tuigse ann: an té do
ní sin, scriosuidh sé a anam féin.
33 Do gheabha sé lot agus easonóir,
agus ní scriosfuighthear a mhasla dhe.
34 Oir isé cuthach an duine, an téud;
ar a nadhbharsin ni choigeola se a lo an
dioghaltais.
35 Ni biáidh suim aige a bhfúasgladh
ar bith: ni mó bhías sé ríartha, dá mbe-
ith go ttiubharthá iomad bronnta dhó.

CAIB. VII.

Comhairle an Ghliocuis anadhaidh Spleadhachus na mban mhíonáireach.

A Mhic, coimhéad mo bhriathra, agus
cuir maitheanta a ttaisgidh agad féin.
2 Coimhéad maitheanta, agus bí béo,
agus mo dhlígheadh mar ubhall do shúl.
3 Ceangail iad air do mhéuruibh,
scríobh iad ar chlár do chroidhe.
4 Abair ris a neagna, Is tú mo dheirbh-
shíur, & goir do bhean ghaóil don tuigse.
5 Chor go ccoimhéadfuid thú air an
mnaói choimhighidh, air an ccoimhthi-
gheach spleadhuighios lé na bríathraibh.
6 Oir a bhfuinneóig mo thighe dféuch
mé amach tré mo chásmaint.
7 Agus do chonnairc mé a measc na
ndaoine simplighe, thug mé dom aire
a measg na nógánach, ogán gan tuigsi,
8 Ag imtheacht thríd an tsráid
láimh re na coirnéulsa, agus dimthigh
sé an tslighe chum a tighe.
9 A neidiorsholus an tráthnona, ann-
sa noidhche dhuibh dhorcha.
10 Agus féuch tárla bean air, a ccu-
laidh mheirdrighe, agus i géarchúiseach
a ccroidhe.
11 (A tá sí árdghothach agus easur-
ramach: ní shanaid a cosa iona tigh.
12 Anois bí sí amuich, anois annsna
sráidibh, luighidh sí a bhforaire ann
gach aonchlúid.)
13 Marsin rug sí airsion, agus do
phóg sí é, agus lé gnúis mhionáirigh a
dubhairt sí ris.
14 Atáid íodhbhartha síothchána agam,
a niugh díoc mé mo mhóide.
15 Uimesin tháinic mé amach do
theagmháil riotsa; go dithchiollach di-
arruidh haighthe, agus fuáir mé thú.
16 Do sciamhuigh mé mo leabuidh
lé hoibreachaidh greanta, lé línéadach
mín ó Négipt.
17 Do dheaghbholtnuigh mé mo leab-
uidh lé Mirr, le Aloes, agus Cinamon.
18 Teanam, glacam ar sáith grádha,
nó go tti an mhaidin: sólásuigheam sinn
féin lé grádhuibh.
19 Oir ni bhfuil fear an tighe sa
mbaile, dimthigh sé a tturas fhada.
20 Rug sé mála airgid leis, agus
tiucfaidh sé don bhaile annsa lá chinnte.
21 Lé móran do chaint bhlasda thug
sí air áontughadh, ré spleadhachas a
puisíne do choimhéignigh sí é.
22 Téid sé na diáigh air ball, mar
théid an damh chum a mharbhtha, nó an
tamadán chum smachtuighthe an chip:
23 Nó gur buáileadh gath tre na aéibh,
mar dheithfrighios éun chum an phain-
téir, agus gan a fhios aige, gur chum
a bháis a bhithear.
24 Eistighe riom a nois uimesin, a
chlann, agus tabhruidh aire do bhríath-
raibh mo bhéil.
25 Ná claonadh do chroidhe da sligh-
thibh sin: ná héirigh a mugha iona
casanaibh.
26 Oir do theilg síos móran] do
dhaóinibh] gonta; fós mórán do dhaói-
nibh neartmhara do marbhadh lé.
27 Isé a tigh an tslighe go hifrionn,
ag dul síos go seomradhuibh an bháis.

CAIB. VIII.

Comhaóigeasc an Ghliocuis mharthanaigh.

NAch éighionn a neagna? agus
nach ccurionn an tuigsi a guth
amach?
2 Seasuidh sí a mullach áiteadh
nárd, láimh ris an tslighe, a nionad na
ccasáin.
3 Atá sí ag éigheadh ré táobh na
ngeatadha, a bport an bhaile, mar a
ttigthear a steach annsna doirsibh.
4 Oruibhsi, a dhaoine atáim ag gairm
& chum mac an duine atá mo ghuth.
5 O a dhaoine simplidhe, tuigidh
eagna; agus sibhsi a amadána, bíodh
bhur ccroidhe tuigsionach.
6 Eistigh, óir laibhéoruidh mé ar nei-
thibh oirdhearca, agus biáidh fosgladh
mo bhéil ar neithibh cearta.
7 Oir laibhéoruidh mo bhéul fírinne,
agus is adhfhúathmhaireacht dom phui-
sínibh a nurchóid.
8 Atáid bríathra mo bhéil uile a
bhfíreantacht: ní bhfuil aóinní cam nó
urchóideach ionta.
9 Atáid síad uile soilléir don tí
thuigios, agus díreach don droing do
gheibh éolus.
10 Gabhaidhsi mo theagasg, agus
ní airgiod, agus éolus tar a nór
toghtha.
11 Oir is fearr a neagna náid na
clocha búadha; agus na huile neithe

is

a ſéidir do dhéilſughadh, ní bion-
chomhmeaſſa ria iad.
12 Miſi a Neagna, áitreabhuim a
ccomhnuidhe na críonnachtá, agus do ghei-
bhim amach éolus ar neithibh innt-
leachtacha.
13 Aſi eagla Dé an tolc dfúathu-
ghadh, an túabhar agus a niomarcaidh,
agus an droichſhlighe, agus fúathuighim
an béal míolabharthach.
14 Is leamſa comhairle agus eagna
fhoghlaim: agus is miſi an tuigſi, agus
is liom neart.
15 Is tríomſa ríoghaid na Ríghthe,
agus órduighid prionnſuighe ceart.
16 Is tríomſa riaghluid prionnſadha,
agus na huaiſle, agus breitheamhuin
na talmhan uile.
17 Grádhuighim an mhéid ghràdhui-
ghios mé, agus an drong iarrus mé
go moch do gheabhuid mé.
18 Atá ſaidhbhrios; agus onòir
agam: fós ſaidhbhrios biothbhúan
agus fíreuntacht.
19 Is fearr mo thoradh ná ór, fós
ná ór glan, agus mo chíos ná airgiod
toghtha.
20 Tréoruighim a ſlighe a nionnra-
ic: a meadhon chaſán an bhreith-
eamhnuis.
21 Chor go ttuga mé air an ndro-
ing ler bionmhuin mé, ſaidhbhrios do
ſealbhughadh, agus líonfuidh mé a
ionnmhuſa.
22 Do ſhealbhuigh an Tighearna mé
a ttoſach a ſhligheadh, roimhe a oib-
reachaibh a nallúd.
23 Do ſuigheadh ſúas mé ó ſhiorruigh-
eacht, ó thoſach, ſúil do bhí an talamh
ann.
24 A nuáir nach rabhadar aigéinn
ann, do rugadh miſi: a nuáir nach ra-
bhadar toibreacha ar bith líonta duiſge.
25 Súil do bhí ſuighiughadh na ſléibh-
te, roimhe na cnocaibh do rugadh miſi.
26 Ni dhéarna ſé fós an talamh, nó
na machairighe, nó na háite is áirde
do luaithreadh an domhuin.
27 A nuair dullmhaigh ſé na flaithis,
do bhí miſi annſin: a nuáir do chuir
ſé compás air aghaidh a naigéin.
28 A nuáir do dhaingnidh ſé na
néalla ſhúas: a nuáir do neartuigh ſé
ſnaimhighe a naigéin.
29 A nuáir thug ſé a ſhuagra do
an fhairge, nach rachaidís na huiſgeadha
tar a aithne; a nuàir do órduigh ſé
bunáit na talmhan:
30 Annſin do bhí miſi aige, mar
neach tugadh ſúas iona ſhochair: agus
bhí mé a dhúil go láetheamhuil, ag gáir-
deachus iona ſhiadhnuiſe a gcomhnuidhe.
31 Ag gáirdeachus annſa chuid ion-
áitreibhthe da thalamh, agus do bhá-
dar mo dhúil lé macaibh na ndaoine.
32 Anois ar a nadhbharſin éiſtigh
riom, a chlann, óir is beannuigh an
drong choimhéadas mo ſhlighthe,
33 Eiſtigh re teagaſg, agus bíthí
críonna, agus na diultuighe é.
34 Is beannuigh an té éiſtios ri-
omſa, ag faire go láetheamhuil ag
mo gheatadhuibh, ag feithiomh ag
urſanaibh mo dhoirſi.
35 Oir gidh bé gheabhas miſi, do
gheabha ſé beatha, agus do gheabha
fabhar ón Tighearna.
36 Acht an té pheacuighios am a-
ghuidhſi, do ní ſé éagcóir air a anam
féin: gach a bhfúathuighionn mé,
grádhuighid ſiad an bás.

CAIB. IX.

Impidhe na heagna dà cloinn féin;
13 *& muirne na mnà leimhe dà daltachaibh.*

DO rinne a neagna a tigh, do
ghéarr ſi amach a ſeacht bpiléir.
2 Do mharbh ſi a ſéolmhach, do
comaiſc ſi a fíon, do líon ſi fós a
bórd.
3 Do chuir ſi a maighdiona amach,
goiridh ſi ar na háitibh is áirde ſan
chathraidh.
4 Gidh bhé atá ſimplidhe; filleadh
ſé a ſteach annſo: ar ſon an té air a
mbí easbhuidh tuigſiona, a deir ſi ris,
5 Tigidh, ithidh dom aránſa, agus
ibhidh do nfíon, noch do chumaiſg mé.
6 Tréigidh amadánachd, agus mai-
righ; agus imthighidh a ſlighe na
tuigſiona.
7 An té aithbhióras tarcuiſneach,
do gheibh ſé naire dhó féin; agus
an té chronuighios drochdhuine, do
gheibh ſé toibheim dhó féin.
8 Ná haithbhioruigh tarcuiſneach,
deagla go bhfúathochadh ſé thú; cro-
nuigh duine críonna, agus ghràidhe-
ochuidh ſé thú.
9 Tabhair [teagaſg] do dhuine
chríonna, agus biáidh ſé níos críonna:
múin duine ionnraic, agus méideochaidh
ſé a nealadhain.
10 Iſé eagla an Tighearna toſach
na heagna, agus éolus na náomh is
tuigſe ſin.
11 Oir is liomſa méideochthar do
laéthe, agus foirlíonfar bliadhna do
ſhaoghail.
12 Má bhíonn tú críonna, biáidh tú
críonna dhuit féin; acht má thar-
cuiſnighionn tú, is tú féin amháin
iomchoras é.
13 Bí an bhean leamh garrbhuáiceach;
atá ſi ſimplighe, agus gan fios éin-
neithe aice.
14 Oir ſuighidh ſi ag dorus a tighe
ar ſhuidheachan, air áitibh árda na caith-
reach.
15 Do ghairm na ndaoine ghabhas
táirſi go díreach annſa tſlighe.
16 Gidh bé bhías ſimplidhe, iom-
poigheadh ſé a ſteach annſo; agus ar
ſon an té bhíos gan tuigſi, a deir ſi ris,
17 Bíd na huiſgeadha gadtha mi-
lis,

lis, agus bí an tarán [ithear] a nu-
áignios taitneamhach.
18 Acht ní bhí a fhios aige go bhfui-
lid na mairbh annsin: agus go bhfui-
lid a lucht cuirigh a ndoimhne ifrinn.

CAIB. X.

Deichneamhar subhailce, & na dubhailceadh contrardha.

SEanráidhte Sholuimh; Do ní mac
críonna athair sóláſach, acht ſé
an mac leamh dubhachus a mháth-
air.
2 Ní thábhuighid ionmhuſa na nolc
aóinní: acht ſáoruidh an tionnracus
duine ó bhás.
3 Ní fhuileonguidh an Tighearna
anam a nionruic do dhul don ghorta;
acht teilgidh ſé maóin an chiontaigh
ſeachad ar ſon a nuilc.
4 An té chumlas lé laimh mhainne-
achtnaigh, thig ſé chum bochtuine: achd
do ní lámh an dúthrachtaigh [duine]
ſaidhbhir.
5 An té chruinnighios annſa tſamh-
radh, is críonna é; acht an té chodlas
annſa bhfóghmhar, is mac do gheibh
náire é.
6 Atá ſonus ar cheann a nfiréin, acht
folchuidh foiréigion béul na cciontach.
7 As beannuigh cuimhne a nfiréin:
acht loibhfighidh ainm an drochdhuine.
8 Glacfuidh an [duine] glic a ccro-
idhe, aitheanta chuige: acht tuitfidh an
hamadán ſíorchainteach.
9 An té ſhiubhlas go hionnruic, im-
thighidh go daingion: acht an té
mhillios a ſhlighthe, aitheontar é.
10 An té chláonas le na ſhúil, tabh-
uigh ſé dóbrón: acht tuitfidh a nóin-
mhid ſhíorchainteach.
11 Is tobar beatha béul an duine
ionruic: acht folchaigh foiréigion béul
na cciontach.
12 Duiſgidh an fúath, imreaſuin:
acht folchuidh an grádh na huile chi-
onta.
13 Do gheibhthior eagna a mbéul
an té agá mbí tuigſe; acht atá ſlat
a ccoinne dhroma an té bhíos a néag-
mhuis tuigſiona:
14 Do níd na daoine críonna ſtór
éoluis; acht is fogus béul a namadáin
daidhmhilleadh.
15 Iſſé ſaidhbhrios an duine ſhaidh-
bhir, a chathair neartmhar: ſi a mbochd-
aine ſcrios na mbocht.
16 Triallaidh ſáothar a nfírein chum
beatha; toradh an chionntoigh chum
peacaidh.
17 An té choimhéadas teagaſg atá ſé
a ſlighe na beatha: acht an té dhíultas
ſmachtughadh, atá ſé air ſeachrán.
18 An té cheillios fúath lé puiſinibh
bréagacha, agus an té labhras ſcannail,
is amadán é.
19 Ní bhí díth peacaidh a niomad
na mbriathar: acht an té chong-
bhus air a bhéul, atá ſé críonna.
20 Is airgiod toghtha teanga a nfí-
réin; is beag is ſiu croidhe an droch-
dhuine.
21 Beathuighidh béul a nfiréin mór-
án, acht éugaid na hamadáin do dhíth
eagna.
22 Do ní beannughadh an Tighearna
ſaidhbhir, agus ní chuirionn doilghios
ar bith iona choimhideacht.
23 Is ait leis a namadán urchóid
do dhéanamh: acht bí críonnacht aig
fear na tuigſi.
24 Tuitfidh eagla an drochdhuine air
féin; acht adinteochthar iarratas a
nfiréin.
25 Mar imthighios an gháoth ghuir-
deáin, mar ſin ni bhionn an droch-
dhuine ní ſa mhó: acht is bunáit ſhí-
orruidhe, an tionnruic.
26 Mar bhíneagra do na fiaclaibh &
deatach do na ſúilibh: marſin bhíos an
lorgánach don druing chuirios úatha é.
27 Cuiridh eagla an Tighearna fad
ar na láethibh: acht géarrfuighear
blíadhna an drochdhuine.
28 Dóthchus bhus lúathgháire do nfí-
réun: acht rachaidh furachus an droch-
dhuine ar meath.
29 Is neart do nionruic ſlighe an
Tighearna: acht biaidh ſgrios air lucht
oibrighthe a néigceirt.
30 Ní corrochthar an fíréan choidh-
che; acht ní áitreobhuidh an ciontach
an talamh.
31 Do bheir béul an [duine] cheirt
críonacht úadh; acht gearrfuighthear
amach an teanga mhillteach.
32 Aithnighid puiſ inigh a nfiréin
cred is ionghlactha: acht [labhruidh]
béul an chiontuigh go cam.

CAIB. XI.

Moladh an cheartais, 25 & na Féile; le diomoladh na ccontrardha.

IS adhfhúathmhaireacht don Tighea-
earna comhthrom fhallſa; acht is
an comhthrom ceart a dhúil.
2 A nuáir thig an túabhar, annſin
thig náire: achd bí eagna ag na da-
óinibh umhla
3 Tréorachuidh iomláine na nionn-
rac íad féin: acht millfidh urchóid
na ſaruighthеach, íadſan.
4 Ní tharbhuighionn an ſaidhbhrios
a ló an díoghaltais; acht ſáoruidh a
nfiréantachd ó bhás.
5 Díreochuidh a nfíréantacht an
[duine] iomlán air a ſhlighe: acht tuit-
fidh an ciontach le na chiontaibh féin.
6 Sáorfuidh fíréantacht na nionn-
rac íad féin: acht géabhthar lucht
an tſaruighthe iona néagcoruibh féin.
7 A nuair éugas an drochdhuine,
éugaidh a dhóthchus: agus imthighidh
dóthchus na ndaóine neimhionnraic.
8 Tárthuighthear an fíréan as a
bhuáireadh, agus thig an drochdhuine
iona áit.

9 Millidh an meabhlach a chomh-
arsa le na bhéul ; acht tré éolus saor-
faighear an tionnraic.
10 A nuáir bhithear go maith ag
na fíréanaibh, gáirdighidh an chathair :
agus a nuáir marbhthar an droch-
dhuine bí lúathgháire ann.
11 Lé beannughadh a nionnraic ár-
daighthear an chathair : acht leagthar
í lé béul an chionntuigh.
12 An té bhíos a néugmhuis críonach-
ta, tarcuisnigh sé a chomharsa : acht
bí fear na tuigsiona na thocht.
13 Foillsighidh aithriseach sgéul,
searáidigh ; acht an té agá mbí spio-
rad fírinneach, ceilidh sé an tadh-
bhar.
14 A nait nach bí comhairle, tui-
tidh an pobal : acht a niomad na
comhairleach bhíos daingean.
15 An té bhíos a nurrudhas ar cho-
igcrícheach, goirteochthar ann é ; agus
an té fhúathuighios urradhas bí sé
daingion.
16 Conghmaidh bean ghrásamhuil
onóir ; agus cumhduighid na daóine
láidire saidhbhrios.
17 Do ní an duine trócaireach
maith dhá anam féin ; acht an té
bhíos éattrócaireach, buáidhridh sé a
fheóil féin.
18 Oibrighidh an drochdhuine obair
mheallta ; acht don té shíolchuireas fí-
réantacht, biáidh lúach dearbhtha
aige.
19 Amhail [chéimnighios] fíréantacht
chum beatha : mairsin an té leanas an
t-olc, leanuigh sé chum a bháis féin.
20 An drong agá mbí croidhe urchó-
ideach, is adhfhúathmhaireachd don
Tighearna íad ; acht an mhéid bhíos
díreach íona slighe, a síad sin a dhúil.
21 Bíodh [go níadhfadh] lámh a laimh
[eile] ní bhiáidh an drochdhuine gan
díoghaltas ; acht sáorfuighthior sliocht
a nfíréin.
22 Mar shéud óir a sruimh muice,
[is mar sin bhíos] bean bhreádha air
éagmhais discréide.
23 Fonn a nfíréin amháin an mhaith ;
acht dóthchus an drochdhuine dío-
ghaltas.
24 Bí neach ann sgaóileas, agus thair-
is sin bheirios biseach ; agus neach
chongmhas ní is mó nó is iomchubhaidh,
acht is chum bochtuine thig sé.
25 Do dhéantar an tanam dáonach-
tach méith ; agus an té fhliuchas fli-
uchfuighthéar é féin.
26 An té thaisgios arbhar, mailleo-
chaidh an pobal é : acht biáidh beann-
acht air cheann an té reacas é.
27 Gidh bé iarrus maith go dúth-
rachtach, tuillidh sé fabhar : acht an
té iarrus tubaiste, tiucfaidh sí chuige.
28 An té chuirios a dhóigh iona shai-
dhbhrios, tuitfidh sé : acht bláithfid
a fíréin amhuil buinneáin.

29 An té bhuáidhrios a thigh féin
budh leis oighreacht na gaóithe : &
biáidh an tamadán na óglach ag
an ccríonna a ccroidhe.
30 Is crann beatha toradh a nion-
raic ; agus an té ghnodhuighios an-
manna, is críonna é.
31 Féuch, béarthar luaigheacht do
nfíréun annsa tsáoghal ; ca mhéad
ní sa mhó ná sin, don chiontach agus
don pheacach ?

C A I B. XII.

*Ní bionann smuáineadh, Briathra, & gnío-
mha na bhfíréin, & lucht an uilc.*

GIdh bhé ghrádhuighios teagasg,
grádhuighidh sé eolus : acht an
té fhúathuighios smacht, is brúidea-
mhuil é.
2 Gnodhuighidh an duine maith fa-
bhar an Tighearna : acht daimneo-
chuidh sé duine na ndroichthríall.
3 Ní daingneochar duine lé hur-
chóid : acht ní húithreochthar fréamh
a nfíréin.
4 An bhean shubhailceach is coróin
dá fear í : acht an bheán náirighios
é, is lobhadh íona chnámhaibh í.
5 Is ionnruic smuáintighthe a nfír-
éin : acht is cealg comhairleacha an
drochdhuine.
6 Bid bríathra an drochdhuine na
luighe a cceilg ar fhuil : achd tár-
thochuidh béul a nfíréin, íad.
7 Teilgtear as na drochdhaoine,
agus ní bhid ann : acht seasuidh tigh
a nfíréin.
8 Molfuighthear duine do réir a eag-
na : acht díbeagfuidhthior an té agá
mbia croidhe urchóideach.
9 Is féarr an té, tharcuisnighthear,
agus agá mbí seirbhíseach, ná an té
onóruighios é féin, agus ag nach bí
arán.
10 Bí cúram ag an duine ionnraic
a nanam a bheathuigh ; acht is fuil-
teach trócaire an chiontuigh.
11 An té shaóthruighios a fhéarann,
sáiseochthar lé harán é : acht an té
leanas daóine díomhaóine, atá sé gan
tuigsi.
12 Iárruidh an drochdhuine líon na
cciontach ; acht do bheir fréamh a
nfíréin toradh.
13 Gabhthar an drochdhuine a mío-
labhairt a bhéil : acht tiucfaidh an
fíréun amach as buáidhreadh.
14 Sáiseochthar duine lé maith, do
thoradh a bhéil : agus cúiteochthar
luaigheacht a lámh re duine :
15 Bí slighe a namadáin díreach
íona shúilibh féin : acht is críonna
an té éistios ré comhairle.
16 Aitheantar air ball fearg a na-
madáin : acht folchuigh an duine crí-
onna náire :
17 An té labhras fírinne, taisbe-
ánuidh sé amach fíréuntacht ; acht is
cealg thaisbeánas a nfíadhnuise bhréu-
gach.

18 Bidh drong ann labhras cosmhuil re saitibh cloidhimh: acht is sláinte teanga a neagnuidhe.
19 Daingneochthar béul na firinne go bráth; acht ní bhí an teanga bhréugach acht air feadh móimeinte.
20 Cealg bhíos a ccroidhe na droinge noch smuáinios an tolc; acht do chomhairleachaibh na siothchána atá gáirdeachus.
21 Ní theigeomha olc ar bith ris a nionraic: acht líonfuighthear an drochdhuine do thubaiste.
22 Is adhfhúathmhaireacht don Tighearna na beil bhréagacha: acht is iad an drong dhéanas go firinneach a dhúil.
23 Ceilidh an duine glic éolus: acht fúagraidh croidhe na namadán amadánacht.
24 Iomchoruidh lámh an [duine] dhúthrachtaigh ríaghail: acht biáidh an taimhleasg fa dhuibhchíos.
25 Do bheir dóbrón a ccroidhe dhuine, air cromadh: acht do ní focal maith sólásach é.
26 Is fearr an fíreún ná a chomharsa: acht meallluidh slighe na ndrochdhaóine léo íad.
27 Ní rósann an duine aimhleasg an ní do ghabh sé lé fiadhach: acht is mórluáigh substaint an duine dhúthrachtaigh.
28 A slighe na fíreantachta atá an beatha, agus ní bhfuil bás ar bith ann a casanaibh.

CAIB. XIII.

Urlabhartha órdha do iomdha eineil.

EIsligh mac críonna re teagasg a athar: acht ní éisteann tarcuisneach armáire.
2 Íosuidh duine maith do thoradh a bhéil: acht [iosuigh] anam fhir an tsaruighthe foiréigion.
3 An té choimhéadas a bhéul, coimhéaduigh sé a anam: acht an té osclas a phuisine go fairsing, díothlaithrighthear é.
4 Bí mían air anam an chladhaire, agus ní fhaghann aoinní: acht do dhéantar anam an dúthrachtaigh méith.
5 Fúathuighidh an fíréun bréaga; acht bí an drochdhuine neimhfhírinneach, agus thig sé chum náire.
6 Coimhéaduigh an tionnracus an díreach iona shlighe; acht claóidhigh a nurchóid an peacach.
7 Bí neach ann do ní é féin saidhbhir; gidheadh ag nach bí éainní; bí neach ann do ní é féin bocht; gidheadh atá sé lán do shaidhbhrios.
8 Isé fúascladh anma duine a shaidhbhrios; acht ní chluin an bocht iomaithbhior.
9 Gáirdighidh soillsi a nfírein; acht cuirfighear lóchrann an choinntaigh as.
10 As uabhar amháin thig an cheannairg; acht bí eagna ag na daóinibh deaghchomhairleacha.
11 Laighdeochthar saidhbhrios an díomhaóinis; acht an té chruinnighios lé saothar, méuraidh sé biseach.
12 Dóthchus ar na chur a bhfad, do ní fin an croidhe tinn; acht a nuair thig an sonn, is crann beatha é.
13 Gidh bé tharcuisnighios an bríathar, millfighthear é; acht an té eagluighios a naithne, do gheabha sé luaigheacht.
14 Dligheadh a neagnuidh is tobar na beatha é, do dhealughadh ré ribeontaibh an bháis.
15 Do bheir tuicse mhaith fabhar: acht atá slighe na saruightheach cruáidh.
16 Do ní gach uile dhuine glic a [ghnothuighe] re héolus: acht leigidh an tamadán a leimhe ris ós áird.
17 Tuitidh droichtheachtaire, a ttubaiste: acht is sláinte an teachtaire dílease.
18 Bidh bochtuine agus náire don té dhíultas teagasg; acht an té agá mbí meas air achmhusan, onórthar é.
19 Is milis do nanam an fonn do choimhlionadh: acht is adhfhúathmhaireacht do na hamadánaibh dealughadh ris a nolc.
20 An té shiubhluighios le daóinibh críonna, biáidh sé críonna; acht scriosfuighthear companach na namadán.
21 Leanuidh olc na peacaidh; acht ris an bhfíréun cúiteochthar maith.
22 Fágbhuidh an duine maith oighreacht ag cloinn a chloinne; agus cuirthear maóin an pheacaidh a stór do nionnruic.
23 Bí bíadh mór a ttreabhadh an bhoicht; acht bídh neach ann do milltear do dhíth breitheamhnuis.
24 An té choiglios a shlat, fúathuighidh sé a mhac; acht an té ler bionmhuin é, smachtuighidh sé é go moch.
25 Ithidh an fíréun do shásadh a anma; acht biaidh ríachtanas ar bholg an drochdhuine.

CAIB. XIV.

Iomdha gnée gliocuis ⁊ amadánachd.

CUiridh gach aoinbhean chríonna a tigh súas; acht leagaidh a namaid síos é le na lámhaibh féin.
2 An té shiubhluighios iona fhíreantacht, eagluighidh sé an Tighearna: acht an té bhíos urchóideach iona shlighthibh, tarcuisnighidh sé é.
3 Bí slat úabhair a mbéul a namadáin; acht dídeonuigh puisine an duine ghlic íad.
4 A náit nach bíd daimh, bí an mainséur glan: acht tig biseach mór le neart an daimh.
5 Ní dhéana fiadhnuise dhíleas bréug: acht laibheoruidh a nfiadhnuise fhallsa bréuga.
6 Iarruidh an tarcuisneach eagna, agus ní fhaghann; acht is socamhlach éolus don tí thuigios.
7 Imthigh as fiadhnuise dhuine leimhe, a nuair nach mothochuidh tú [ann], béul a néoluis.
8 Isé gliocas a neagnuidhe, a shlighe do

do thaiſin ; acht is cluáin leimhe
na namadán.
9 Do níd amadáin magadh fan bpea-
cadh ; acht a measg na bhfiréan atá fabhar.
10 Aithnighidh an croidhe a ſhear-
bhas féin : agus ní bheanann coimh-
thigheach re na ſhólás.
11 Claóidhfighthear tigh an droch-
dhuine ; acht blaithfigh áitreabh an
ionraic.
12 Atá ſlighe ann do chithear dí-
reach do dhuine ; acht iſé a chrioch
ſlightheacha an bháis.
13 Annſa gháire féin bí an croidhe
dubhach ; agus ſé crioch an tſúgachais
[...] dóbrón.
14 Fear an ghearrchumainn a
croidhe, líonfuighear é re na ſhligh-
thibh féin ; agus ſásfuighthear an duine
maith úadh féin.
15 Creidigh an ſimplidheach gach
uile fhocal ; acht féuchaidh an duine
glic go maith dá imtheacht féin.
16 Eagluighidh an duine críonna,
agus dealuighidh ó nolc ; ach cuthaighidh
an tamadán, agus bidh ſé dóthchuſach.
17 An té fhearguidhthear go hobann,
do ní ſé amadánacht : acht fúathuigh-
thear fear na ndroich-thionnſgantaidh.
18 Seilbhuighid na ſimplighidh ama-
dánachd ; acht coróntar an teagnuidh
re héolus.
19 Clionuidh an tolc roimhe an
maith ; agus an drochdhuine a ngeat-
aibh na bhfiréun.
20 Fúathuighthear an bocht cheana ó
na chomharſuin féin ; acht bi mórán
caraid ag an tſaidhbhir.
21 An té tharcuiſnighios a chomh-
arsa, peacuigh ſé ; acht is ſona an té
do ní trócaire air na bochtaibh.
22 Nach ſeachránuid an drong thionn-
ſgnas an tolc : acht biáidh trócaire
agus fírinne ag an ndruing thionnſ-
gnas an mhaith.
23 Bí tarbha ann gach uile ſháothar :
acht triallaidh caint na bpuiſíneadh
amháin chum easbhuighe.
24 Coróin na neagnuidhe, a ſaidh-
bhreas ; acht is leimhe amadánachd
na namadán.
25 Síoruidh a nfiadhuin fhírinneach
anmanna : acht labhruidh an meabhlach
bréaga.
26 Atá dóthchus láidir a neagla an
Tighearna : agus biáidh cúil dhídin
ag a chlóinn.
27 As tobar beatha eagla an Tighear-
na : do dhealughadh ré paintéaruibh an
bháis.
28 A niomad na ndaóine atá onóir
an Rígh : acht a neasbhuidh daóine atá
milleadh an phrionnſa.
29 Bí tuigſi mhor ag an té bhíos mall
chum feirge : acht an té bhíos deithni-
deach a ſpioraid, árduighidh ſé leimhe.
30 Iſé an croidhe fálláin beatha na
feola : acht lobhadh na gcnámh, an tnúth.
31 An té ſháruighios an bocht, ma-
ſluighidh ſé a chruthaightheoir : an té
onoruighios é, bí trócaire ann don bhocht.
32 Díbearthar an ciontach as, iona
chionntaibh : acht bí dóthchus ag an
bhfiréan iona bhás.
33 Socruidh eagna a ccroidhe, an
té agá mbí tuigſi : acht foillſighthear
an ní atá a meadhón na namadán.
34 Árduighidh a nfíréantacht cin-
eadh : agus is maſla an peacadh do
phobal ar bith.
35 Bí fabhar an Rígh leis an tſeir-
bhíſeach mhaith : acht bí a fhearg a
naghaidh an té bheir cúis náire.

CAIB. XV.

Feabhas, theanga an eagnaidh, 10 na ſmachda, 15 an bhuidhe, 22 an chomhairle, 31 & na huiriſleachd.

1 IOmpoighidh freagra mhacánta, fearg :
acht broſtuighidh bríathra borba, a
nfearg.
2 Gnáthuigh teanga a neagnuighe
éolus go ceart : acht dóirtigh béul
na namadán leimhe amach.
3 Atáid ſúile an Tighearna ann gach
uile bhall : ag féuchuin air a nolc agus
air an maith.
4 Is crann beatha teanga fhalláin :
acht is briſeadh a ſpioraid, urchóid do
bheith innte.
5 Tarcuiſnigh amadán teagaſg óa
athair ; acht is eagnuidhe an tí bheir
aire do ſmacht.
6 Bí mórán ionmhuis a ttigh a neag-
nuidhe : acht a ccios an drochdhuine,
buaidhreadh.
7 Díoſcaóilid puiſíne a neagnuidhe
éolus : acht ní marſin do chroidhe a
nainbhfioſaigh.
8 Is adhfhúathmhaireacht don Ti-
ghearna íodhbairt an chiontaigh ; acht
ſí urnaigh a nfiréin a dhúil.
9 Is adhfhúathmhaireeacht don Ti-
ghearna ſlighe an chiontaigh ; acht is
ionmhuin leis an té leanas a ndiáigh
na fíréantachta.
10 Is doirbh an ſmacht don té
thréigios an tſlighe : éagfuidh an té
fhúathuighios armáire.
11 Atá ifrionn agus diothlaithriughadh
as coinne an Tighearna : maiſeadh ca
mhéid ní is mó ná ſin atáid croidhthe
chloinne na ndaóine ?
12 Ní hionmhuin leis a ndísbeag-
ach an té bheir achmhuſán dó : ní mó
rachus ſé gus na heagnuighibh.
13 Do ní chroidhe ſúgach gnúis
ſhuilbhir : acht lé dóbhrón an chroidhe
briſtear an ſpiorad ;
14 Iarruidh croidhe an té agá mbí
tuigſi, éolus ; acht is air amadánacht
beathuighthear béul na namadán.
15 Atáid uile láethe na [ndaóine]
mbuáidheartha, go holc : acht an té
agá mbí croidhe ſúgach, bhí féuſta
gnáthach aige.

16 Féarr

16 Féarr beagàn maille re heagla an
Tighearna; ná ionnmhus mór, agus
buáidhreadh maille *ris.*
17 Is féarr dinnér luibhionn mar a
mbı grádh, ná damh bíadhta,agus fúath
maille ris.
18 Dúiſgidh duine nimhneach ſúas
ceannairg; acht an té is mall chum
feirge, laghduighidh ſé imreaſuin.
19 Atá ſlighe an duine leiſgeamhail
mar fhál doſan: acht atá ſlighe a nion-
ruíc déanta go bláith.
20 Do ni mac críonna athair lúath-
gháireach: acht tarcuiſnighidh an duine
leamh a mhathair.
21 Bídh amadánacht na ſólás ag an té
bhíos gan eagna: acht ſiubhluigh fear
na tuigſi go díreach.
22 Toirmiſcthior tionnſcanta a néag-
mhuis chomhairle: acht a niomad na
ccoimhairleach daingnithear íad.
23 Sóláſaighear duine le freagra a
bhéil féin: agus an focal labharthar iona
am féin, cred é méud a mhaitheaſa?
24 Is ſúas atá ſlighe na beatha ag a
neagnuigh; chor go ſeachonadh ſé
ifrionn ſhíos.
25 Leagfuidh an Tighearna tigh a
nuáibhrigh: acht daingneochuidh ſé te-
óra na baintreabhuigh.
26 Is adhfhúathmhaireacht don Tigh-
earna ſmuáintighthe an chiontuigh:
acht is bríathra millſe, bríathra a *nfior-
ghlain.*
27 An té bhíos dithchiollach chum
éadala, buáidhridh ſé a thigh *féin*; acht
an té fhúathuighios bronta, mairfidh
ſé.
28 Stuidéaruidh croidhe a nionraic
chum freagartha: acht doirtigh béul an
chiontuigh droichneithe amach.
29 Is fada an Tighearna ón ccion-
tach: acht do chluin ſé guidhe a
nfiréin.
30 Gáirdighidh ſolus na ſúl an croidhe,
agus do ní clú mhaith cnámha méith.
31 An chlúas do chluin achmhuſán
na beatha: oiriſigh ſí a meaſc na
ndaóine nglic.
32 An té dhíultas múnadh: tarcuis-
nighidh ſé anam féin, acht an té umh-
luighios do ſmacht, do gheibh ſé tuigſi.
33 Iſe eagla an Tighearna teagaſg na
heagna: agus atá umhlacht roimhe
onóir.

C A I B. XVI.

Onoir ghniomhartha Dè, 8 *an cheartais,* 20
an ghliocuis, 31 *an cheinn leithe, &c.*

IS ón Ttighearna thig ullmhughadh an
chroidhe annſa duine, águs freagra
na teangtha.
2 Bíd uile ſhlighthe an duine glan
iona ſhúilibh féin: acht comhthromuigh
an Tighearna na ſpioraid.
3 Cuir hobair a leith an Tighearna,
agus daingneochthar do ſmuáintigh-
the.
4 Dhó féin do rinne an Tighearna
gach uile ní: an ciontach fós a gcoinne
laé a nuilc.
5 Is adhfhúathmhaireacht don Tigh-
earna gach uile dhuine bhíos uáibhreach
a ccroidhe: bíodh go ndiadhfadh lámh a
láimh, ní bhíaidh ſe gan dioghaltas.
6 Le trócaire & lé fírinne leaſuigh-
thear a néagcóir; agus lé heagla an Ti-
ghearna ſeachnuid [daóine] an tolc.
7 A nuáir thaitnid ſlighthe an duine
leis an Ttighearna, do bheir ſé air a
námhaid féin bheith ſíodhach ris.
8 Is féarr beagán lé hionnracas, ná
cíoſanna móra gan cheart.
9 Iſe croidhe an duine thríallus a
ſhlighe; acht íſé an Tighearna dhíri-
ghios a chéime.
10 Bí faiſtine dhíadha a mbéul an
Rígh; ní chiontuighionn a bhéul a
mbreitheamhnus.
11 Is leis an Ttighearna ſcáladha agus
chomhthruim chearta; is íad a obair
comhthruim an mhála uile
12 Is adhfhúathmhaireacht do Ríogh-
thibh olc do dhéanamh; óir daingnigh-
thear an chathaóir ríogha lé ionnracus.
13 Is íad puiſine fíreanta, dúil na
nRígh; & is ionmhuin léo an té labh-
ras an ceart.
14 Atá fearg an Rígh amhail teach-
thaireadh an bháis; acht ceinnſeochuidh
duine glic í.
15 Bí beatha a ſolus ghnúiſe an Rígh;
agus a fhabhar amhuil néul fearthanna
deighionuidh.
16 Ga mhéad is féarr eagna dfaghail
ná ór, agus tuigſi dfaghail, is córa í do
thogha ná airgiod?
17 Iſe ſlighe mhór a nfírein dealu-
ghadh ris a nolc; an té choimhéadas a
ſhlighe, cumhduighe ſé a anam.
18 Thig an tuabhar roimhe a naidh-
mhilleadh, agus áirdſpiorad roimhe an
leagadh;
19 Is féarr bheith do ſpioraid umhail
leis na hiſlibh, ná an chreach do roinn
leis a nuáibhreach.
20 An té ghlacus cúis go críonna, do
gheábha ſé maith; agus gidh be chuir-
ios a dhóigh ann ſa Tighearna, is ſo-
ná é.
21 Goirfighear [duine] críonna don
ghlic a gcroidhe, agus méuduighidh
millſi an bheil, ealadha.
22 Is tobar fíoruiſge chum beatha an
tuigſi don tí agá mbi ſí: acht is ama-
dánacht teagaſg na namadán.
23 Múinidh croidhe an ghlic a bhéul,
& do bheir bárr ealadhan dá phuiſinigh.
24 Is cíor mheala bríathra millſi,
milis do nanam agus ſláinte do na
cnámhuibh:
25 Bí ſlighe ann, do chithear ceart do
dhuine: acht iſé a chríoch ſin ſlighthea-
cha an bháis.
26 An té ſháothruighios, is dó féin
ſháothruighios ſé: óir iarruidh a bhéul
air é. 27 Tochluidh

27 Tochluidh an duine neimhdhiadha
olc: agus bi iona bhéul amhuil teine
loiscthe.
28 Scéchuiridh an duine ceannairgeach
[illegible]: agus dealuighidh an cogar-
[illegible] na cáirde dísle ó chéile.
29 Brosluighidh duine sáruighthe, a
[illegible], agus tréoruighe sé é chum
na sligheadh nach maith.
30 Druididh sé a shúile do thriall
[illegible] corosta; ag corrughadh a phui-
se, do bheir sé olc chum críche.
31 Is coróin ghlóire an ceann líath,
[illegible] fhághail a slighe a nionracuis.
32 Is féarr an té bhios mall chum
[illegible] ná an cumhachtach: agus an té
[illegible] a spiorad, ná an té ghabhus
cathair.
33 Do teilgeadh an crannchar annsa
[illegible]; acht is ag an Ttighearna atá a
[illegible] a gcrich uile.

CAIB. XVII.

[illegible] beagan le súaimhneas, 6 &c is onoir [illegible], an eblann, &c.

1 [illegible] greim tur, agus suáimhnios
[illegible] ris, ná tigh lán dféusta lé
[illegible].
2 Biáidh ríaghuil ag an tseirbhíseach
críonna ós cionn an mhic thuillios
[illegible]: agus biáidh cuid do noighreacht
[illegible] a measg na ndearbhráithreach.
3 Pota a nathghlanta chum a nair-
gid, agus a nfoirnis chum a nóir:
[illegible] sé an Tighearna theagaisgios na
croidhthe.
4 Do bheir fear déanta a nuilc aire do
[illegible] bréagacha; agus do bheir
[illegible] aire do dhroichtheangaidh.
5 Gidh bé fochmhuighios an bocht,
[illegible] sé a chruthaightheóir; a-
[illegible] té lúathgháirighios fá amhgar, ní
[illegible] sé gan phionus.
6 Clann na cloinne coróin na sean-
[illegible]; agus glóir na cloinne, na hai-
[illegible].
7 Ni hiomchubhaidh damadán glór
[illegible]; is lugha ná sin puisinigh
bréagacha do phrionnsa.
8 Is cloch uasal tiodhlacadh a radharc
[illegible] agá mbí sé: gidh bé taobh a
[illegible], tarbhuighidh sé.
9 Gidh bé cheilios sárughadh, íarruidh
[illegible]: acht gidh bé athnúaighios
[illegible], dealuigh sé cáirde.
10 Is mó théid achmhusán a steach a
[illegible] chríonna, ná céad buille ann a
namadán.
11 Cogadh amháin íarrus an droch-
[illegible]: uimesin cuirfighthear teachtaire
fochmhar na chuinne.
12 Teagmhadh mathghamhuin ar
[illegible] a cuiléan ré duine, ní is luáithe
[illegible] amadán iona leimhe.
13 Gidh bé chúitighios maith lé holc,
ní dheileochuidh olc re na thigh.
14 Bi tosach na ceannairge amhail
do léigeadh duine uisge amach; uime
sin léig dhiot ceannairge súil bean-
fuighthear innte.
15 An té ghlanas an ciontach, agus
an té dhamnuighios an díreach: is
adhfhúathmhaireacht donTighearna íad
aráon.
16 Cred as a bhfuil lúach a láimh
amadáin dfagháil gliocuis, ó thárla gan
chroidhe é.
17 Gradhuigh an chara gach uile
úair, agus rugadh an dearbhráthair a na-
ghaidh buaidheartha.
18 Ceangluidh duine gan tuigsi cunn-
radh, agus téid a nurrudhas a bhfia-
ghnuise a charad.
19 An té ghrádhuighios an cheannairg,
grádhuigh sé sárughadh: agus an té
árduighios a gheata, túaraidh sé aidh-
mhilleadh.
20 Ann té agá mbí croidhe crosta, ní
fhaghan sé maith air bith: & an té agá
mbí teanga mhillte, tuitidh sé a nurchóid.
21 An té ghineas amadán, do ní sé sin
chum a dhoilghis féin: agus ní bhí solás
aig athair amadáin.
22 Foghnuidh croidhe súgach amhuil
leighios: acht tiormuighidh spiorad briste
na cnámha.
23 Glacaidh an drochdhuine tiodhla-
cadh as a nucht, do chlaonadh slighthe
an bhreitheamhnuis.
24 Bí a neagna as coinne an té agá
mbí tuigsi: acht bíd súile a namadáin
a nimlibh na talmhan.
25 Is dóbhrón do nathair mac oinmhi-
deach; & searbhus é don mhnaói rug é.
26 Fós ní maith pionús do thabhairt
do nfiréun, nó prionnsuighe bhúaladh
ar son ceirt.
27 Caiglidh an té agá mbí éolus a
bhríathra: agus bí fear na tuigsiona do
spiorad dhearscnuighthe.
28 An tamadán féin a nuáir bhíos sé
na thochd, meastar críonna é: agus an
té dhruidios a bhéul, bí sé na dhuine
thuigsionach.

CAIB. XVIII.

Is Amadán aga mbí a dhúil uile ina thuigse féin, &c.

AN té scaras é féin tré fhonn, íar-
ruidh agus beanaidh sé ré gach uile
eagna.
2 Ní bhí dúil ag amádan a ttuigsi; acht
amháin go bhfoillsiughadh a chroidhe é
féin.
3 A nuáir thig an ciontach, annsin thig
tarcuisne; agus lé míochlú, an scannail.
4 Is uisgeadha doimhne bríathra bhéil
an duine: & sruth ag tuilliughadh tobar
fioruisge na heagna.
5 Ní maith gabháil re pearsúinn an
drochdhuine, do theilgion a nionnruic a
mbreitheamhnus.
6 Téid puisinigh a namadáin a cceann-
airg, agus goiridh a bhéul air bhuill-
eadhuibh.
7 Isé a bhéul aidhmhillidh a nama-
dain,

dain,& a phuisine paintéur a anma fein.
8 Bid briathra an chogarnuigh amh-
uil cneadha, agus tiaghaid sios a
bhfiriochthar an bhuilg.
9 An té fós bhios leasg iona o-
bair, is dearbhrathair é don mhillteóir
mhór.
10 Is tor daingion ainm an Tigh-
earna: rithuidh an firéun chuige, agus
bi sé daingion.
11 Ise saidhbhrios an duine shaidh-
bhir a chathair dhaingion, agus bí sé a-
mhuil balla árd iona bharamhuil féin.
12 Is árd croidhe an duine roimhe a
naidhmhilleadh, agus atá a numhlachd
roimhe onóir.
13 Gidh bé fhreagras cúis roimhe a
clos, is amadanacht agus náire dhó é.
14 Iomchoruidh spiorad an duine a
laige: acht cia fhéadas spiorad cnea-
dhach diomchar?
15 Do gheibh croidhe an duine eag-
nuidhe éolus: agus iarruidh cluas an
duine chrionna eagna.
16 Do ní brontanas duine áit dó,
agus do bheir a lathair dhaoine móra é.
17 Gidh be bhíos ar ttús iona chúis
féin, [saoiltear] cóir do bheith aige:
acht thig a chomharsa, agus spíonuidh
sé é.
18 Do bheir an crannchair air im-
reasanaibh cosg, agus roinnidh idir na
cumhachtachaibh.
19 Dearbhráthair ar na fhearguighadh,
is deacra a fhagháil, ná cathair láidir;
agus is cosmhuil a nimreasuin ré barra-
dhuibh caisléin.
20 Líonfuighthear bolg duine le to-
radh a bhéil, lé biseach a phuisineadh
líonfuighthear é.
21 Atá bás agus beatha a ccumhachta
na teangtha;agus an drong ler bionmhuin
í, íosaid siad dá toradh.
22 Gidh bé gheibh bean, do gheibh sé
ní maith; agus gnodhuigh sé fabhar ón
Ttighearna.
23 Labhruidh an bocht impidheacha,
acht freagraidh an saidhbhir go garbh.
24 Caithfidh an té agá mbi cairde, é
féin dfoillsiughadh go cáirdeamhuil: &
bhí cara sheasas ní is foigse ná dear-
bhrathair.

C A I B. XIX.

*Olcas na beatha gan mhothughadh dá gnodh-
uightbibh gu ceart, &c.*

IS féarr an bocht shiubhluighios iona
iomláine, ná an té bhíos urchóideach
iona bhriathruibh, agus na amadán.
2 Agus fós ni maith an tanam do
bheith gan éolus: agus an té dheithfri-
ghios le na chosaibh, peacuidhe sé.
3 Malluidh amadánacht an duine, a
shlighe: agus bí fearg air a chroidhe a
naghaidh an Tighearna.
4 Do ní an saidhbhrios móran ca-
rad, agus scarthar an bocht re na cho-
mharsain.
5 Ní rachuid fiadhnuisigh bhréig
gan dioghaltas; agus an té labhras an
breuga, ní rachaidh sé as.
6 Is iomdha duine iarras fabhar an
phrionnsa: agus bí gach aonduine na
charuid ag an té do bheir tiodhlaicthe
úadh.
7 Fúathuighid uile dhearbhráithre an
bhoicht é: cá mhéad nísa mhó ná sin
thiaghaid a cháirde uile a bhfad uadh?
leanuidh sé [iad] lé briathraibh, gi-
dheadh bid siad do dhíth air.
8 Is ionmhuin leis an té do gheibh
eagna, a anam féin: an té choimhéadas
tuigsi do gheabha sé maith.
9 Ní rachaidh fiadhnuise bhréige gan
dioghaltas: agus meathaidh an té labh-
rus bréaga.
10 Ní hiomchubhaidh áoibhneas dam-
dán: is lugha ná sin do sheirbhíseach
riaghladh os cionn phrionnsadh.
11 Cuiridh discréid duine a fhearg
air cáirde, agus isi a ghlóir míraghail
do léigean thairis.
12 Bí fearg an Righ amhuil búirfea-
dhach leomhuin; acht bí a fhabhar a-
mhuil drúcht air an bhféur.
13 Is adhbhar bochduine dhá athair
an mac leamh: agus is silt shíorruidhe
imreasuin na mná.
14 Tigh agus saidhbhrios isé oigh-
reacht a nathar: agus is ón Ttighearna
atá an bhean ghlic.
15 Cuiridh a nfallsacht [neach] a
ccodladh throm: agus fuileonga an
tanam díomhaoin, ocras.
16 An té choimhéadas a naithne, coi-
mhéaduigh sé a anam féin: acht an té
tharcuisnighios a shlighe, éugfuidh sé.
17 An té agá mbi truaighe don
bhocht, áirligidh sé don Tighearna:
agus an ní do bhéara sé úadh, íocfuidh sé
ris é a rís.
18 Smachtuigh do mhac an fad bhías
dóigh as: agus ná coigleadh hanam
é, chum a mhillte.
19 Fuileonguidh fear na móirfheirge
pionús: óir má thártuighionn tú é, caith-
fé tú a dhéanamh a ris.
20 Eísd re comhairle agus glac
teagasg: chor go mbía tu glic ad chrích
dheighionuigh.
21 Bíd mórán tionnsgantadh a gcro-
idhe an duine: thairis sin a si comh-
airle an Tighearna sheasfas.
22 Asé dúil an duine a chinéul: a-
gus is féarr án duine bocht ná an bréa-
gach.
23 Triálluidh eagla an Tighearna chum
beatha, agus an té agá mbí sin, anfuidh
sé sásta: ní thiocfuighthior chuige le
holc.
24 Folchuidh an duine leasg a lámh
iona bhrollach, agus ní thabhair sé amach
í chum a bhéil a rís.
25 Buáil duine do ní tarcuisne,
agus do bhéara an simplidheach aire dhó
féin;

[illegible] agus iomaithbhír an té agá mbi
[illegible], agus tuigfidh sé éolus.
20 An té mhillios a athair, agus dhí-
[illegible] a mhathair, is mac thuillios náire
(agus do bheir scannail [úadh.]
27 Scuir a mhic, déisteachd an teag-
[illegible] cúis sheachráin ó bhríathruibh
[illegible].
28 Tarcuisnigh fíadhnuise neimhdhi-
[illegible] breitheamhnus, agus sluigidh béul
[illegible] éaigceart.
29 Atá breitheamhnus ullamh fá cho-
[illegible] na dtarcuisneach, agus scíursadha
[illegible] na namadán.

CAIB. XX.

[illegible] ag caitheamh ar dheoch laidir.

Is fear magaidh an fíon, is buile-
[illegible] an deoch láidir: agus
[illegible] mealltar leo sin, ní bhfuil sé
[illegible].
2 Is eagla an Rígh amhuil búirfeadh-
[illegible] leomhain: gidh bé bhrostuighios
[illegible] feirge é, peacuigh sé a naghaidh a
[illegible] féin.
3 Is onóir do dhuine scur do chean-
[illegible]: acht biáidh gach áon amadán ag
[illegible].
4 Ní threabhthuigh an lorgánach, do
[illegible] a nfúachta: uimesin iarrfuidh sé
[illegible] san bhfoghmhar, agus ni bía aoin-
[illegible].
5 As cosmhuil comhairle a ccroidhe
[illegible] re huisge domhuin; acht taireong-
[illegible] tuigseach amach í.
6 [illegible] an chuid is mó do na
[illegible] a maitheas féin gach áon aca:
acht [illegible] gheabhas duine fírinneach.
7 Imthigh an duine ceart iona iom-
[illegible] féin; bíd a chlann beannuigh na
[illegible].
8 Scaóilidh an Rígh shuighios a cca-
[illegible] bhreitheamhnuis, a nuile olc ó
[illegible] le na shúilibh.
9 Cia fhéadas a rádh, Do rinne mé
[illegible] chroidhe glan? atáim fós glan óm
pheacadhuibh.
10 Comhthruim éaglamhla, agus me-
[illegible] éagsamhla, atáid aráon adhfhúath-
[illegible] a bhfiaghnuise an Tighearna.
11 Aitheantar fós an leanabh air a
[illegible]mharthaibh: an mbí a shaothar
[illegible]glan, nó an mbí ceart.
12 Isé an Tighearna do rinne aráon
an chluas chluinteach, agus an tsúil
[illegible].
13 Ná grádhuidh codladh, deagla
[illegible] chum bochtaine; oscáil do
[illegible], agus saiseochtar le harán thú.
14 Ní fiú éainni é, a deir an cean-
[illegible]: acht a nuáir imthighios roimhe,
[illegible] maóidhigh sé.
15 Atá ór ann, agus móran do chlo-
[illegible] uáisle; acht is iad bríathra a né-
[illegible] an séud mórluáigh.
16 Glac éadach an té théid a nurru-
ghas ar choimhthigheach: agus glac
geall uadh ar son mná choimhthighidh.
17 Is milis le duine arán na ceilge:
acht na dhiáigh sin biáidh a bhéul líonta
do ghaineamh.
18 Daingnighthear gach uile thionn-
sgnamh lé comhairle, agus le comhairle
ghlic déana cogadh.
19 An té imthighios fa gcuáirt na al-
thristeach scéul, scaóilidh sé rún: uime-
sin ná bean ris an te spleadhuighios
le na phuisinibh.
20 Gidh bé mhalluighios a athair nó
a mhathair, cuirfighthear a lochrann as,
a ndorchadas dubh.
21 Is féidir oighreacht dfaghail go
lúath air ttosach: acht ní budh bean-
nuigh a chríochsin.
22 Ná habairsi, Cúiteochuidh mé
olc: acht feith air an Dtighearna, agus
táirtheochuidh sé thú.
23 Is adhfhúathmhaireacht don Tigh-
earna comhthruim éagsamhla agus an
meadh mealltach ní maith í.
24 Is ón TTighearna atá imtheacht
an duine; cionnus fhéadus duine mai-
seadh a shlighe fein do thuigsin?
25 Is paintéar don té shluigios ní
naomhtha: agus tar éis móide íarmhoi-
reacht do dhéanamh.
26 Dioscaóilidh Rígh críonda na
drochdhaoine, agus do bheir sé an
roithléan tharsa.
27 Isé spiorad an duine coinneall an
Tighearna, ag scrúdagh a nuile chuid a
stigh don bholg.
28 Trocaire, agus fírinne chumh-
dulghios an Rígh: agus is lé trócaire
connaimhthior shas a chathaoir.
29 Isí neart na ndaóine óg a nglóir,
agus isí sciamh na seandaóine an ceann
líath.
30 Glanuidh guirme na cneidhe a
nurchóid; agus is mairsin do níd na
scíursadha a nuile chuid a stigh don
bholg.

CAIB. XXI.

Isé Dia do riaghluigheas croidhe & comhairle an Rígh, &c.

ATá croidhe an Rígh a láimh an
Tighearna, már na srotha uisge;
iompoighidh sé é gidh bé áit a ttogrann
féin.
2 Is díreach uile shlighe an duine
iona shúilibh féin: acht measuidh an Ti-
ghearna na croidhthe.
3 Is taitneamhuigh ris ag an Ttigh-
earna, ceart agus breitheamhnus do dhé-
anamh, ná iodhbairt.
4 Is peacadh féuchuin árd, agus
croidhe uaibhreach, águs treabhadh
na cciontach.
5 [Tríalluigh] smuáineadh an dúth-
rachtuigh amháin chum líonmhaireachta:
acht gach nduine dá mbí deithniosach,
amháin chum easbhuidhe.

6 Fagháil

6 Faghail ionmhuis lé teangaidh bhréa-
gaidh, is diombaóineas é ar na bhogadh
anonn sa nall ag an ndroing iarrus
bás.
7 Scriosuidh sladmhoireacht na ccion-
tach iad féin : do bhrígh go ndiultaid
siad breitheamhnus do dhéanamh.
8 Is cam agus is coimhthigheach slighe
an duine : acht ar son an duine fhior-
ghloin, bí a obair ceart.
9 Is féarr áitreabh a ccoirnéul a nú-
achtar an tighe, ná a bhfochair bhairsighe
mná a dtigh fhairsing.
10 Iarruidh anam an chiontoigh, olc ;
ní fhaghann a chomharsa fabhar ar bith
iona fhúilibh.
11 A nuáir smachtuighthear an tar-
cuisneach, do nithear duine críonna
don tsimplidheach ; agus a nuáir theag-
aisgthear an duine críonna, gabhuidh sé
éolus.
12 Measuidh an duine ionruic go glic
tigh an drochdhuine : acht teilgidh
Dia seachad na ciontoigh ar son na cci-
ontadh.
13 Gidh bé stopas a chlúasa re hei-
ghiomh na mbocht, comhairccidh sé
féin mar an gcéadna, acht ní cluinfigh-
thear é.
14 Claóidhidh brontanas a bhfolach,
fearg, agus mínighe luáidheacht annsa
bhrollach, fearg neartmhar.
15 Is é gáirdeachus a nfiréin, bréi-
theamhnus do dhéanamh;acht biáidh mil-
leadh do lucht oibrighthe a néigceirt.
16 An té sheachránuighios as slighe
na tuigsiona, anfaidh sé a ccomhchruin-
niughadh na marbh.
17 An té ghrádhuighios aóibhnios
biáidh sé na dhuine bhocht : an té ghrá-
dhuighios fíon agus ola, ní bhiaidh sé
saidhbhir.
18 Biáidh an ciontach na fhúasgladh
do nfiréun, agus an sáruighteach ar son
na ndaoine ndíreach.
19 Is fearr comhnuighe do dhéanamh
annsa bhfásach, ná maille re mnaói che-
annairgidh thearguidh.
20 Atá ionnmhus ann is còir díar-
ruidh,& ola a náitreabh an duine ghlic :
acht cathaidh an duine éigcríonna síias é.
21 An té leanas fíréantacht agus tró-
caire, do gheibh sé beatha, díorghas, a-
gus onóir.
22 Do ní an duine críonna dreapaire-
acht caithreach an chumhachtaigh, agus
teilgidh sé sios neart a bunáite.
23 Gidh bé chongmhas a bhéul agus a
theanga : coimhéaduigh sé a anam ó
bhuáidhreadh.
24 Fear magaidh úaibhreach áirdinn-
tineach is ainm don té bheanas a bhfeirg
úaibhrigh.
25 Marbhuidh mían an duine fhallsa
é féin : óir díultuighid a lámha saothru-
ghadh.
26 Santuigh sé go géar air feadh an
laoi : acht do bheir an fíréun ní uadh,
agus ní choiglionn sé é.
27 Is adhfhúathmhaireacht íodh-
bairt an chiontuigh : ga mhéad ní is mó
ná sin, a nuáir do bheir leis í lé droch
intinn :
28 Díoghbhaithfidh a nfiaghnuis
bhréagach : acht an té éistios, labhraidh
sé go seasmhach.
29 Crúadhuigh an drochdhuine a
éadan : acht ar son an dírigh, dírighidh
sé a shlighe.
30 Ní bhfuil eagna, ná tuigsi, ní
comhairle a naghaidh an Tighearna.
31 Ullmhuighthear an teach a gcoin-
ne laé an chatha : acht is ón Tighearna
na atá tárthail.

CAIB. XXII.

*Moladh an deagh chlú, & lúach na humh-
lachta, &c.*

IS còra ainm maith do bhreith do ro-
ghain ná saidhbhrios mór : agus fa-
bhar gradhach tar airgid agus tar ór.
2 Teagmhaidh an saidhbhbir agus an
bocht ré cheile : ise an Tighearna a
ccruthaighthéoir sin uile.
3 Rémhfhéuchuidh an duine glic an
tolc chuige, agus folchaidh sé é féin:
acht imthighid na daóine simplidhe ara
naghaidh, agus píantar iad.
4 Le humhlacht, agus le heagla an
Tighearna, ataid saidhbhrios, agus onóir
agus beatha.
5 Bid droighne, agus paintéir a slighe
a nanduine : an té choimhéadas a anam
bí sé a bhfad úatha.
6 Teagaisg an leanabh sa ntslighe a
nimthighionn sé : agus tan bhías sé aosta,
ní threigfidh sé í.
7 Ríaghluidh an saidhbhbir ós cionn na
mbocht, agus bí fear a nairlisthe dar-
ruidh, na fhearbhfoghantuigh ag an té
bheir úadh é.
8 An té shíolchuirios éigceart buain-
fidh sé díomhaoineas : agus failleochaidh
slat a fheirge.
9 An té agá mbí súil thiodhlaicthteach,
biáidh sé beannuigh : óir do bheir sé cuid
dá arán do na bochtuibh.
10 Teilg amach an tarcuisneach, a-
gús rachaidh an ceannairg amach ;
scuirfidh fós an timreasan agus an
mhasla.
11 Biáidh an Rígh na charaid ag an
té ghrádhuighios gloine chroidhe, ar son
millse a bhéil.
12 Coimhéaduid súile an Tighearna
éolus, agus teilgidh bun ós cionn bríathra
an tsáruighthe.
13 A deir an duine fallsa, Atá leo-
mhan amuich, muirfightear mé sa
tsráid.
14 Is log domhain béul na mbann-
ccoimhthightheach : an té fhúathuighios
an Tighearna, tuitfidh sé ann.
15 Bí leimbhe ceangailte a ccroidhe
leinibh : acht cuirfidh slat an smachtuigh-
the a bhfad uadh í.

16 An

16 An té fáiruighios an bocht do mhéa-
[illegible] a shaidhbhriosa féin, agus an té
[illegible] dhon tsaidhbhir, tiucfaidh sé
[illegible] deimhin chum ríachdanuis.
17 Claon síos do chlúas agus éist bri-
[illegible] an duine ghlic, agus iompoigh
[illegible] chroidhe chum méoluis.
18 Oir is ní sólásach é, má thaisgionn
[illegible] ionnad iad: béid fós iom-
[illegible] ann do bhéul.
19 Chor go mbía do mhuinighin
[illegible] Tighearna, dfoillsigh mé dhuit a
[illegible] dhuitse féin.
20 Nach ar sgriobh mé dhuit neithe
[illegible] a ccomhairleachaibh agus a
[illegible]?
21 Chor go ttiubhruinn ort fios
[illegible] fhocal na fírinne do
[illegible] agad; ionnus go bhféadfa freagra
[illegible] na fírinne do thabhairt ar an
[illegible] chuirios fios chugad.
22 Ná slad an bocht do bhrígh go
[illegible] sé bocht: ná brúigh an trúa-
[illegible] annsa ngeata.
23 Oir taigeoruidh an Tighearna a
[illegible] agus millfidh sé anam an té
[illegible] iadsan.
24 Ná déan muinntearas re duine
[illegible], & na himthigh lé duine bhuil-
[illegible]:
25 Ar eagla go bhfoghluimfeá a
[illegible], agus go bhfuighthéa painteúr
[illegible] anam.
26 Ná bíse don druing bhuáileas
[illegible], nó don druing bhíos durraigh ar
[illegible] fhiach.
27 [illegible] bhfuil éainní agad re diol-
[illegible], cred as a mbéaradh sé leis do
[illegible] o bheith fúd?
28 Ná háthraidh seintéora a sfearoinn
[illegible] do shuidheadar haithre.
29 An bhfaicionn tú dúine díthchiol-
[illegible] iona ghnothuighibh? seasfuidh sé
[illegible] Riogh, ní a lathair dhaoine
[illegible] sheasfas sé.

CAIB. XXIII.

[illegible] ghrágaireachd, 20 do phótaireachd.

1 Neir shuighfios tú dithe bidh lé
[illegible] uachtaran, meas go friochnamhach
[illegible] bhíos ad fhiadhnuise,
2 Agus cuir scían chum do scórnuigh,
[illegible] thú tabhartha do chráos.
3 Ná bí mían agad iona mhillséanuibh:
[illegible] is biadh mealltach íad.
4 Ná saothruigh bheith saidhbhir:
[illegible] dot ghliocas féin.
5 An cuirfidh tú do shúile ann-
[illegible] nach bhfuil ann? óir do ní saidh-
[illegible] go deimhin sciathbáin dó féin;
[illegible] as, amhuil iolar chum nimhe.
6 Ná hithise arán na drochshúl, agus
[illegible] a bhíadha millsi.
7 Oir mar bhreathnuighios iona chro-
[illegible], is marsin bhíos seision: Ith agus
[illegible], a deir sé riot, acht ní bhí a chro-
[illegible] leachd.
8 Urthloigfidh tú a níos an greim do
[illegible] tú, & caillfidh tú do dheaghfhocail.

9 Ná labhair a ccluásaibh amadáin:
óir disbeagfuidh sé gliocas do bhría-
thar.
10 Ná hathruigh an seintéora, agus
ná heirigh a steach ar fhearann na
ndilleacht.
11 Oir is cumhachtach a bhfúascaltóir:
taigeoruidh sé a ccúis riot.
12 Tabhair do chroidhe do thea-
gasg, agus do chluasa do bhríathruibh
eoluis.
13 Ná connaimh smacht ón leanabh;
óir ma bhuáilionn tú leis an tslait é, ní
bhfuighe sé bás.
14 Buáilfidh tú leis an tslait é, agus
saorfuidh tú a anam ó ifrionn.
15 A mhic, má bhíonn do chroidhe
eagnuidhe, biaidh lúathgháire ar mo
chroidhe, orumsa féin.
16 Gáirdeochuid fós mo dhubháin, a
nuáir labhheorus do bhéulsa neithe
cearta.
17 Ná tnúthuigheadh do chroidhe ris
na peacachuibh; acht bí a neagla an Ti-
ghearna ar feadh an laé uile.
18 Oir is deimhin go bhfuil luáidh-
eacht, agus ní géarrfuighthear ámach do
dhóthchus.
19 Cluinsi, a mhic, agus bí críonna,
& treóruigh do chroidhe annsa tslighe.
20 Ná bí a measg phótaireadh fíona,
a measg ghrágaireadh, líonus íad féin le
feóil.
21 Oir tiucfaidh an pótaire agus an
duine craosach chum bochtuine: agus
do dhéan a naimhleisge duine déudu-
ghadh le ceirteachaibh.
22 Eist red athair, noch do ghin thú,
agus ná tarcuisnigh do mhathair a nuáir
bhías sí áosta.
23 Ceannuigh a nfírinne, agus na
reac í: eagna fós, agus múnadh, agus
tuigsi.
24 Is mór lúathgháirfios athair a
níonnruic; & an té gheineas leanamh
críonna, do gheabh sé sólás úadh.
25 Biaidh lúathgháire air hathair, agus
air do mhathair, agus gáirdeochuidh an
bhean rug thú.
26 A mhic, tabhair dhamhsa do chro-
idhe: coimhéadaidís do shúile moshlighthe.
27 Oir is díog dhombain an stríop-
pach, agus is log cumhang an bhean
choimhthigheach.
28 Bí sí fos a luidheachán amhuil
sladmhóir, agus méaduigh sí na millteó-
irigh a measc na ndaoine.
29 Cía ghá mbí mairg? cía ghá mbí
dóbrón? cía ghá mbí imreasúin? cía ghá
mbí callóid? cía ghá mbí cneadha gan
adhbhar? cía ghá mbí deirge shúl?
30 An drong fhanas a bhfad ag an
bhfíon, an lucht théid díarruidh a nfíona
chumaisge.
31 Ná féuchsa air an bhfíon a nuáir
bhíos sé dearg, a nuáir thaisbeanas sé a
dhath annsa chupan, a nuáir chorruigh-
os sé é féin go díreach.

32 Fá dheireadh gortuigh sé amhuil nai-
thir nimhe, & cealgaidh sé amhuil adder.
33 Do chithfid do shúile mná coimh-
thigheacha, & laibheoruidh do chroidhe
neithe neamhchubhaidh.
34 Biáidh tú fós do nós an té luidhios
sios a meadhón na fairge, nó mar an té
luighios a mullach an chrainn seóil.
35 Do bhuaileadar mé [á deir tú]
& ni raibh mé tinn: do ghabhadar o-
rum, agus níor mhothuigh mé; cá huáir
mhúisceolas mé? iarrfa mé fós a rís é.

CAIB. XXIV.

Gan chumann do shnathadh re drochdhaoinibh 3 ach re tuigse & Eagna.

NA bíse aingidhe a naghaidh
drochdhaóine, agus ná sanntoigh
bheith na bhfochair.
2 Oir shuidéaruidh a ccroidhe millteа-
chus, agus labhruid a mbéil urchóid.
3 Tré ghliocas do nithior tigh dfoirg-
neadh, agus le tuigsi daingnighthior é.
4 Agus lé héolus líonfuighthear na
seómradha le gach uile shaidhbhrios
mhórluáidh shólasach.
5 Is láidir an duine eagnuidhe; méa-
duigh fós fear a néolus neart.
6 Oir is lé comhairle ghlic do dhéana
tú do chogadh; & a niomad na ccomh-
airleach bhíos cumhdach.
7 Is ro árd a neagna do namadán, ní
osclann sé a bhéul annsa gheata.
8 Goirfidhthear duine urchoideach don
té thriallus an tolc do dhéanamh.
9 Is peacadh smuáineadh a neimhghlio-
cuis, agus is adhfhúathmhaireacht an
tarcuisneach do na daoinibh.
10 Má anbhfainnighionn tú a ló na
haindeisi, is beag do neart.
11 Má léigionn tú dhíot tárthail na
druinge thairngior chum báis, & an lucht
bhíos réigh chum a marbhtha:
12 Má deir tú, Féuch ní raibh a
fhios aguinn: nach measann an té sgrú-
das na croidhthe sin? agus nach bhfuil
a fhios ag an té chumhduighios hanam-
sa? agus nach ttiubhra sé dá gach áon
do réir a oibreach?
13 A mhic, ithsi mil do bhrígh gur
maith í; agus an chríathar mheala, noch
is milis dot charbad.
14 Marsin bhías éolus na heagna dot
hanam; a anuáir do gheabha tú é, annsin
do gheabhthar luáigheacht, & ní ghéarr-
fuighthior amach do dhóthchus.
15 Ná cuir luidheachán, a dhroch-
dhuine, a naghaidh áitreibhe a nfiréin:
ná creach a áit comhnuighe.
16 Oir tuitidh an duine ionnruic
seacht nuáire, agus éirghidh sé a rís:
acht tuitfid na ciontuigh a nolc.
17 Ná lúathgháirigh a nuair thuitfios do
námhaid: & ná gáirdigheadh do chroidhe
a nuáir do gheibh sé tuisleadh.
18 Deagla go bhfaicfeadh an Tighear-
na sin, agus go madh míothaitneamhach
leis é, agus go niompochadh a fhearg
uadh.
19 Ná bíodh fearg ort ar son na
ndrochdhaoine: agus ná bíodh tnúth
ort ris na ciontachaibh.
20 Oir ní bhía luáigheacht ag an
ndrochdhuine; cuirfighear coinneal an
chiontuigh as.
21 A mhic, imeagluidhsi an Tighear-
na, agus an Rígh: agus ná bean ris na
dáoinibh sóghluáisde.
22 Oir éireochuidh a ndomus go ho-
bann, agus cía dar fios a sgrios araon?
23 Bainid fós na neithesi ris na daoi-
nibh glic: ní maith meas do bheith air
phearsuinn tar a cheile a mbreitheamhnus.
24 Gidh bé déaras ris an gciontach,
Atá tú ionnruic: mailleochuidh an pobal
é, fuathochuid cineadhacha é.
25 Acht biáidh aoibhneas don droing
aithbhioras é, & tiucfuidh beannughadh
maith orra.
26 Pógfuidhear puisinigh an té do
bheir freagra cheart úadh.
27 Gléus hobair amuigh, agus déan
oireamhnach dhuit féin í annsa machaire,
agus na dhiáigh sin déan do thigh.
28 Ná bí ad fhiadhuin a naghaidh do
chomharsan gan adhbhar, agus ná meall
[duine] le do bhéul.
29 Ná habair, Do dhéana misi mar-
sin ris, amhuil do rinne sé ríom: díte-
eochuidh mé ris a noglach do réir a
oibre.
30 Do ghabh mé láimh re machaire
an duine fhallsa, agus láimh ré fíneа-
mhuin an duine gan tuigsin:
31 Agus féuch, do bhí sin uile ar bhfás
thairis do dhosánuibh, agus dfoluigh a
neantóg a aghuidh, agus do bhí a bhalla
cloiche briste síos.
32 Annsin do chonnairc mé, agus do
mheas mé go maith é, dféuch mé air, &
do ghabh mé teagasg.
33 Beagan codalta fós, néull beag,
filleadh beag na lámh air a cheile chum
codalta.
34 Marsin tiucfuidh do bhochtuine mar
áon bhíos ar siubhal, agus do ríachtanas
mar dhuine armtha.

CAIB. XXV.

Oifig Rígh. 8 Is insheachanta críonchán &c.

IS iad so mar an gcéadna Seanráite
Sholuimh, noch do aithsgríobh muin-
tir Heseciah Rígh Júdah.
2 Isí glóir Dé ní do cheilt: acht isé
onoir na Ríogh cúis do spíonadh amach.
3 Atá an flaitheamhnuas air áirde, an
talamh ar dhoimhne, agus croidhe an
Rígh doscrúdtaigh.
4 Bain an salchar as a nairgiod, agus
tiocfuidh soitheach amach don chéard.
5 Beir leachd an drochduine ó fhiadh-
nuise an Rígh, agus daingneochthar a
chathaoir a bhfíréantacht.
6 Ná cuir thú féin amach a lathair
an Rígh, agus ná seas a náit dhaoine
móra.
7 Oir is féarr dhuit a rádh ríot, Tar
a nios

[illegible] ní do chur ní is ísle as coinne
[illegible], noch do chonncadar do shúile
8 Ní himthigh amach go hobann do
[illegible], deagla nach biaidh a fhios agad
[illegible] do dhéanta ann a dheireadh, tar éis
[illegible] chomharsa dot chur chum náire.
9 Aidhnis do chúis red chomharsain :
[illegible] ní foillsigh seicréid do neach oile :
10 Deagla go ccuirfeadh an té do
[illegible]eadh thú, naire ort, agus nach
[illegible]eadh do mhíochlú.
11 Is cosmhuil focal labharthar go
[illegible]bhaidh, ré hubhlaibh óir a
[illegible]aibh airgid.
12 Amhuil cluasfháinne óir, & amhuil
[illegible] dóir ghlan, marsin bhíos an
[illegible]orach glic ar chluáis umhail.
13 Mar bhíos fúacht an tsneachta a
[illegible] a nfoghmhair, marsin bhíos an
[illegible] díleas don druing chuirios
[illegible] óir aithbhéoghuidh sé anam a
[illegible]ir.
14 Gidh bé mhaóidhios é féin ar son
[illegible]eadh fallsa, is cosmhuil é ré néul-
[illegible], agus ré gaoith gan fhearthuinn.
15 Le hiomchar fada claochluighthior
[illegible], agus brisigh teanga bhog an
[illegible].
16 An bhfuáir tú mil ? ith an mhéid
is [illegible] di, deagla go mbeitheá líon-
[illegible], agus go sceithfeá í.
17 Connaimh do chos ó thigh do cho-
[illegible], deagla go mbeith sé cuirthe
[illegible], agus go bhfuathochadh sé thú.
18 An té do ní fiadhnuise bhréige a
[illegible] a chomharsan ; is farcha,
[illegible], agus soighiod rinneach é.
19 Is cosmhuil dóigh a nduine neimh-
[illegible] a naimsir na buáidheartha rè fia-
[illegible] bhriste, agus re cois léonta.
20 Amhuil an té thógbhas leis éadach
a naimsir dhoininne, agus amhuil bhin-
[illegible] ar nitre, marsin don té chanas
[illegible] do chroidhe dhubhach.
21 Má bhíonn do námhaid ocrach, ta-
bhair arán dó re ithe : agus má bhíonn
[illegible] air, tabhair uisge dhó ré a ól.
22 Oir crúachfuidh tú sméaróide tei-
[illegible]dh air a chionn, agus cúiteochuidh
an Tighearna sin riot.
23 Cuiridh an ghaoth thuaigh a nfear-
[illegible] ar ccúl : marsin do ní an ghnúis
[illegible]ach an teanga ithiomráidhteach.
24 Is fearr áitreabh a ccoirnéul do
[illegible] an tighe, ná a bfochair mná
[illegible], agus a ttigh fhairsing.
25 Mar uisgeadha fúara do nanam
[illegible], is marsin bhíd scéula maithe
a tír imchéin.
26 Is samhuil do thobar bhuáidheartha,
& dfúarán truáillighthe, duine ionnruic
ag tuitim síos a lathair an chiontoigh.
27 Ní maith mórán meala dithe, mar-
sin ní glóir do dhaoine a nglóir féin do
[illegible]dh.
28 An té ag nach bí ríaghuil òs cionn
a spioraide féin, is cosmhuil é re cath-
[illegible] bhriste síos gan bhalladha.

CAIB. XXVI.

Diomoladh an amadain, 13 an scráiste,
17 an cheannairgeach, 20 & an chogar-
nuigh.

MAr shneachta san tsamhradh, agus
mar fhearthuinn san bhfoghmhar :
marsin ní hiomchubhuidh onóir dama-
dan.
2 Mar a néun ar iomlúaghail, mar a
náinléog lé beitiolluigh ; marsin ní thiuc-
fa an mhallacht gan adhbhar.
3 Máloid do neach, srian do nassal,
agus slat do dhruim a namadain.
4 Ná freagair amadán do réir a ama-
dánachda, deagla go mbeitheá féin cos-
mhuil ris.
5 Freagair amadán do réir a amadána-
chda, deagla go mbiaidh sé críonna iona
bharamhuil féin.
6 An té chuirios teachtaireacht le
láimh amadáin, gearruidh sé amach na
cosa, agus ibhidh sé dochar.
7 Ní bhíd cosa an bhacaidh ionann ;
marsin do chosamhlacht a mbéul na na-
madán.
8 Amhuil an té cheanglas cloch a
ccrann tabhuill : marsin don tí do bheir
onóir dóinmhid.
9 Mar théid dealg súas a láimh a nfir
meisce : marsin atá cosamhlacht a mbéul
na namadán.
10 An [Día] mór do chum a nuile ní,
cúitigh sé aráon ris a namadán, agus ris
an tsaruighteach.
11 Mar iompoighios an madradh air a
sceathruigh : mairsin iompoighios an
tamadán air a leimhe.
12 An bhfaicionn tú duine críonna
iona bharamhuil féin ! is mó an dóigh is
cóir do bheith as amadán ná as.
13 A deir an fallsán, Atá leomhan
san tslighe, atá leomhan annsa
tsráid.
14 Mar iompoighios an dorus air a
bhacánaibh, marsin do ní an fallsán air
a leabuidh.
15 Folchuidh an fallsán a lámh iona
bhrollach, is doiligh leis a tabhairt a rís
chum a bhéil.
16 Is críonna an scraiste iona bhara-
mhuil fein, ná moirsheisior do fhéad-
fadh réusún do thabhairt úatha.
17 An té ghabhus thort, agus chuim-
lios re ceannairg nach bainionn ris, as
cosmhuil é ré neach bheirios ar mhad-
radh air chlúasaibh.
18 Mar fhear buile, noch chaithios
aithinnigh, saighde, agus bás :
19 Marsin don tí mheallus a chomhar-
sa, agus a deir, Nach a súgradh a-
táim ?
20 A náit nach bí connadh ar bith,
théid an teine as : marsin a náit nach
bí an cogarnach, coisgidh an chean-
nairg.
21 Mar bhíos gúal do ghúal ar lasadh,
agus connadh don teine ; marsin don
duine cheannairgeach daghnadh imrea-
san.

 22 Atáid

22 Atáid briathra an chogarnuigh
amhuil cneadhα, agus tiaghuid ſios
don chuid is ſiriochtaruidh don bholg.
23 An béul ar laſadh, agus an croi-
dhe urchoideach, atáid mar phota
criadh ar na ſhoſach re ſal airgid.
24 An té ſhuathuighios, do ní ſé
blanndar le na phuiſinibh, agus taiſ-
gidh ſé cealg a ſtigh ann.
25 A nuair labhras ſé go breaghdha,
na creid é: óir atáid ſeachd nathſhuath-
mhaireachta iona chroidhe.
26 An té ſholchas ſuath lé ceilg,
foillſeochthar a olc a bhfiadhnuiſe an
chomhchruinnigh uile.
27 Gidh bé thochlas poll, tuitfe ſé
féin ann: agus an té iompoighios cloch,
fillfidh ſi air ſein.
28 Fuathuigh an teanga bhréagach an
drong dá ndéin ſi dochar: agus oibrigh
an béul ſpleadhach millteachus.

CAIB. XXVII.

Anágbaidh mholadh dhuine ó na bhéul féin; 5 ⁊ deagh-fhoghna ſpreigeadh na ccarad.

NA maoidh thú féin as an lá a
márach: óir ni ſheidir tú creid
do bhéaradh lá leis.
2 Moladh neach oile thú, agus nar bé
do bhéul féin: moladh coimhthigheach
thú, agus nar biad do phuiſine féin.
3 Is trom an chloch, agus bi an
gaineamh muirighineach; acht is truime
fearg amadain ná iad araon.
4 Is fuilteach a nfearg, agus is cuthaigh
an chorruighe; acht cia ſheadas ſea-
ſamh as coinne ainghidheachda.
5 Is féarr aithbhior ós aird, ná grádh
fa rún.
6 Is dileas cneadha na carad; acht
is cealgach poga na námhad.
7 Miodhuiligh an tanam bhios lán an
chriathar mheala; acht is milis gach
uile ni ſearbh do nanam ocrach.
8 Amhuil ſheachránuighios éun ó na
nead, is marſin don duine ſheachrá-
nuighios ón áit ſéin.
9 Soláſuigh uniment deaghbholadh an
croidhe: is mairſin do ni millſi charad
duine re comhairle ó chroidhe.
10 Ná treig do chara ſéin agus cara
hathar, agus ná beirigh go tigh do
dhearbhbhrathar a ló do riachdanuis: óir
is féarr cara a ccomhſhogus ná dear-
bhrathair a nimchian.
11 A mhic, bi críonna agus déan mo
chroidhe lúathgháireach, chor go bhſrea-
gora mé an té mhaſluighios mé.
12 Do chí an duine críonna an tolc
chuige, agus folchuidh ſé é ſéin: acht
tiaghaid na daoine ſimplidhe air a
naghaidh, agus piantar iad.
13 Glac éadach an té bhios a nur-
rudhas ar an ccoimhthigheach, agus tóg
geall úadh ar ſon mná coimhthighidh.
14 An té bheannuighios a charuid ós
áird ag éirghe go moch ar maidin,
meaſſuighthior na mhallughadh [illegible].
15 Is coſmhuil bean cheannairgeach
ré ſirſhilt a ló móirſheartanna.
16 Gidh be cheilios í, ceilidh ſé [illegible]
ghaoth, agus uinemeint a láimhe [illegible]
bhraithios í ſéin.
17 Géuruigh iarann ſarrann [oile]
marſin ghéaruighios duine gnúis [illegible]
charad.
18 Gidh bé choimhéadas an cr[illegible]
ſige, ioſuidh ſé dhá thoradh: mar
ſin an té ſheithios air a mhaighi[illegible]
onórthar é.
19 Amhuil ſhreagras aghaidh d[illegible]
[oile] annſa nuiſge: mar ſin ſhreagr[illegible]
croidhe dhuine do dhuine [oile.]
20 Ifrionn agus dibhſheirg ní bhí[illegible]
choidhche lán: marſin ní bhid [illegible]
an duine, ſaitheach choidhche.
21 Mar bhios an pota glanta d[illegible]
nairgiod, agus a nſoirnis do nór: i
mairſin bhios an duine dá mholadh.
22 Biodh go mbrúighſeá amadán a
moirtéul a meaſg chruithneachta le
peſtel: thairis ſin ní dheileochaidh a
amadánachd ris.
23 Bí dithchiollach fa ſhios [illegible]
do thréada, agus féuch go maith [illegible]
airghi[illegible]hibh.
24 Oir ní bhí an ſaidhbhrios ſon-
uidhe: agus an mairionn an choróin
do gach aoinghinealach?
25 Tig an féur tirim, agus taiſbe-
nuidh an féur mín é féin, agus cruinnigh-
thior luibhe na ſliabh.
26 Bid na huáin chum héaduighthe,
agus is iad na gabhair ſhirionna luach
thſearoinn.
27 Agus biaidh bainne gabhar go
lór agad chum do bhidh, chum bidh mu-
intire do thighe, agus do chumhdach do
chailinidhe.

CAIB. XXVIII.

Eagal an duine chiontaigh. 18 ⁊ ſocair an fhiréin, ⁊c.

TEithid na cionntuigh a nuair nach
bí áonduine dá ttóruigheacht: acht
bid na hionnruic dána amhuil leomhan.
2 Ar ſon ſaruighthe dúithche, bid
mórán prionnſadh uirre: acht aig
duine tuicſionach éolach mairfidh an
ſtaid a bhfad.
3 Is coſmhuil an duine bocht ſhár-
uighios an bochtan, re fearthuinn ſcuaip-
tha nach bhfágbhann beatha ar bith na
diaigh.
4 An drong thréigios an dligheadh,
moluid na ciontuigh: acht an muid
choimhéadas an dligheadh, cathuighid ris.
5 Ni tuigid na drochdhaoine bre-
theamhnus; acht tuigid an drong iar-
rus an Tighearna gach uile ní.
6 Is féarr an bocht imthighios iona
ionnracus, ná an té bhios urchóideach
iona ſhlighthibh, biodh go mbeith ſé
ſaidhbhir.
7 Gidh bé choimhéadas an dligheadh,
is

[illegible] é; acht an té is compa-
[illegible] do dhaoinibh craósacha, náiri-
[illegible] sé a athair.
8 An té mhéaduighios a mhaoin lé [illegible] agus lé tarbha éagcóir, [illegible] sé é don tí agá mbía [illegible] don bhocht.
9 An té iompoighios a chlúas ó [illegible] an dlighe, biáidh a ghuidhe- [illegible] na hadhfhúathmhaireacht.
10 Gidh bé bhéaras air an bhfi- [illegible] seachrán do dhéanamh a ndroich- [illegible] tuitfidh sé féin iona pholl; [illegible] biáidh neithe maithe a seilbh [illegible] dírigh.
11 Bidh an duine saidhbhir críonna [illegible] féin; acht scrúduigh an [illegible] agá mbi tuigsi, amach é.
12 A nuáir ghairdighid na daoine [illegible], bí glóir mhòr annsin: acht a [illegible] éirghios an ciontach, folchaidh [illegible] é féin.
13 Gidh bé cheilios a pheacuighe, [illegible] biseach air: acht gidh bé ad- [illegible], agus thréigios iad, do gheabha [illegible] trócaire.
14 Is sona an té air a mbí úamhan do [illegible]: acht an té chruáidhighios a [illegible], tuitfidh sé a ttubaisde.
15 Amhuil bhíos leomhan cuthaigh [illegible] mathghamhuin luáimneach: mar- [illegible] bhíos an drochúachtaran ós cionn [illegible] ndaóine mbocht.
16 An prionnsa ag nach bi tuigsi, [illegible] an ccéadna is mór an fear leath- [illegible] é; acht an té fhúathuighios saint, [illegible] sé a láethe.
17 An duine do ni fóirneart air fhuil [illegible] ar bith, teichfidh sé chum an [illegible], ná fladadh éanduine é.
18 Gidh be shiubhluighios go fíréan- [illegible], biaidh sé sior; acht an té bhíos [illegible] iona shlighthibh, tuitfe sé [illegible].
19 An té shaóthruighios a fhearann, [illegible] fairsinge aráin aige; acht an té [illegible] a ndiáigh dhaoine díomhaóin, [illegible] sé bochtuine go lór.
20 Líonfuidh an duine fíréanta do [illegible]; acht an té do ní dei- [illegible] chum bheith saidhbhir, ní bhiáidh [illegible].
21 Ni maith meas do bheith ar [illegible] tar a chéile: óir ciontochuidh [illegible] ar son greama aráin:
22 Bí drochshúil ag an té dheithbhri- [illegible] chum bheith saidhbhir; ní thuig- [illegible] sé go ttiucfa bochtaine air.
23 An té iomaithbhirios duine, do [illegible] sé ní sa mhó dfabhar na dhiai- [illegible] ná an té bhláthuighios leis an [illegible].
24 Gidh be shladas a athair nó a [illegible], agus a deir, Ni peacadh é; is [illegible] do shladuighe an té sin.
25 An té agá mbí croidhe uáibh- [illegible], cuirigh sé ceannairg air siubhal: [illegible] do dhéantar méith an té chuirios [illegible] annsa Tighearna.

26 Gidh bé tháobhas re na chroidhe féin, is oinmhid é: acht gidh bé imthi- ghios go glic, táirtheochthar é.

27 Gidh bé bheir ní don bhocht, ní bhiáidh easbhuigh air: acht an té fholchus a shúile, do gheabha sé mó- rán mallacht.

28 A nuáir éirghid na drochdhaoine, folchuid na daoine iad féin: acht a nuáir imthighid seachad, líonuid na firéin.

CAIB. XXIX.

Fear do-chombairligh. 24 Fear páirte an ghaduigh. 25 An gealtach. 26 Splea- dhach na cúirte, &c.

AN té gheibh achmhusan minic, agus chruáidhighios a mhuinéal, milltear é go hobann agus gan tárthail.
2 Gáirdigh an pobal a nuáir bhíd na firéin a ccumhacht: acht a nuáir bhíos úachtaránacht ag an drochdhuine, os- naighe an poball.
3 Gidh bé ghrádhuighios a neagna, lúathgháirigh sé a athair: acht an té chongmhas cuideachta do mhéirdrea- chaibh, anchaithigh sé a mhaóin.
4 Daingnigh an Righ an dúthaigh lé breitheamhnus; acht an té ghabhas tiodhlaicthe, scriosuidh sé í.
5 An té do ní spleadhachus ré na chomharsuin, leathuigh sé líon sa na chosaibh.
6 Bí paintér a sárughadh an droch- dhuine; acht canuidh an firéun abhrán, agus lúathgháiridh sé.
7 Measuidh an firéun cúis an bho- icht: acht ni chuirionn an drochdhuine áird air a fhios do bheith aige.
8 Do bheirid na daoine tarcuis- neacha caithreacha a bpaintear: acht fillid na daoine glioca dioghaltas tar ais.
9 Má ni duine críonna imreasán ré hamadán, má bhionn sé ar buile nò ag gáire, ní bhí suáimhnios ann.
10 Fúathuighid na daóine fuilteacha an tionnruic: acht iarruidh an duine ceart a anam.
11 Foillsigh an tamadán a intinn uile: acht congmhuidh an duine críonna a stigh è nó go ttig na dhiáigh sin.
12 Má éistionn úachtarán ré bréa- gaibh, bid a sheirbhísigh uile go holc.
13 Teagmhuidh an bocht agus an clúanaire re chéile: soillsighidh an Ti- ghearna a súile araon.
14 An Righ bhreathnuighios an bocht go fírinneach, daingneochthar a chathaóir go bráth.
15 Do bheir an tslat agus an smacht gliocas uatha: acht do bheir an leanabh fágthar taobh ris fein, náire dhá mhathair.
16 A nuáir líonuid na drochdhaoine, méaduigh an milleachus: acht do chífidh an tionnruic a leagadh.
17 Smachtuigh do mhac, agus do

bhéara sé suáimhnios duit; do bhéara sé fós sólás dot anam.

18 A náit nach bí fís, sgriostar an pobal: acht is sona an té choimhéadus an dligheadh.

19 Ni smaichteochthar seirbhíseach le briathruibh: óir má tá go ttuigionn sé, ní fhreigeora sé.

20 An bhfaicionn tú duine bhios deithniosach iona bhriathruibh? is mó an doigh bhias as amadán, ná asan.

21 An té do bheir a sheirbhíseach súas go muirneach ó bheith na leanamh, biáidh sé na mhac aige fa dheoigh.

22 Corruigh an duine feargach ceannairg súas, agus líonuidh fear na buile lé millteachus.

23 Do bhéaruidh úabhar duine, íseal é: acht coinneochuidh onóir súas an duine umhal a spioraid.

24 Gidh bé bhias na pháirtigh ag gaduigh, fúathuighidh sé a anam féin: do chluin sé mallughadh, agus ní fhoillsighionn é.

25 Do bheir eagla an duine paintéur lé; acht an té chuirios dóthchus annsa Tighearna, biaidh sé daingion.

26 Iarruid morán muinteardhus a núachdaráin: acht is ón Ttighearna [thig] breitheamhnus gach nduine.

27 Bí an duine éaigceart, na adhfhúathmhaireacht ag an nduine cheart: agus an té bhios fíréanta iona shlighthibh, bí sé na adhfhúathmhaireacht don chiontach.

CAIB. XXX.

Admhail Agur jarratus Agur. 11 Geinealuigh chrosda 15 Neithe do shásagh, 18 diamhar 21 tormanach, 24 glioca, 29 Uallach.

BRiathra Agur mhic Jaceh, eadhon a nfáigheadóireacht: do labhair an fóglach ré Hitiel, ré Hitiel fós agus ré Hucal.

2 Go deimhin is brúideamhla mé ná duine ar bith, agus ni bhfuil tuigse duine agam.

3 Níor fhoghluim mé eagna, agus ni bhfuil éolus na náomhthachta agam.

4 Cia chuaidh súas ar neamh, nó tháinic a núas? cía chruinnigh an ghaoth iona dhórnuibh? cía cheangail na huisgeadha a cculaidh? cía dhaingnidh uile chorra an domhuin? cá hainm é, agus caidh ainm a mhic, má fhéadann tú innsin?

5 Is fíorghlan gach uile bhríathar Dé: is sciath é don mhéid chuirios a ndóigh ann.

6 Ná cuirsi éinni a ccionn a fhocail, deagla go ttiubhradh iomaithbhior ort, agus go bhfuighthí bréagach thú.

7 Dhá ni diarr mé ort, ná diúlt umpa mé súil éagfas mé.

8 Athruigh a bhfad uáim díomhaóineas agus bréaga; ná tabhair ceachtar dhamh, bochtaine, no saidhbhrios, beathuidh mé lé biadh is iomchubaidh dhamh.

9 Deagla go mbéinn lán, agus go séanfuinn thú, & go naibeoruinn, Cia hé an Tighearna? nó deagla go mbéinn bocht, & go ngadfuinn, & go ttiubhruinn ainm mo Dhé go díomhaóin.

10 Ná déan calaóid ar sheirbhíseach ré na mhaighistir, deagla go mailleachadh sé thú, agus go bhfuighthí daor thú.

11 Bí ginealach ann mhalluighios a mathair, & nach beannuighionn a mathair.

12 Bí ginealach ann, bhios fíorghlan iona súilibh féin: gidheadh ní bhfuil nighte ó na salchar.

13 Bí ginealach ann, ó ca háirde bhid a súile, agus forrdhubha a súl ar na ttógbháil súas.

14 Bí ginealach ann a mbid a bhfiacla mar chloidhmhthe, & fiacla a ngiall mar sceana, do scrios an bhoicht don tsáoghal amach, agus a neasbhuighidh ó bheith a measc na ndaóine.

15 Atáid dias inghion ag an ngearrghuin [ag éighiomh] Tabhair, tabhair: atá trí ní nach féidir do shásadh; fós ceithre neithe nach abair, Is lór sin.

16 A nuaidh, an bhean áimrid, an talamh nach líontar lé huisge, & an teine nach abair, Is lór sin.

17 An tsúil do ní magadh fa na athair, & tharcuisnighios umhlacht a mhathar, priocfuid féich an ghleanna amach í, & iosuid na hiolair óga í.

18 Atá trí ní ró iongantach, fós a ceathair, nach fios damh:

19 Slighe iolair annsa naier, slighe aithreach nimhe ar an ccarruic, slighe luinge a meadhon na fairge, agus slighe a nfir le maighdin.

20 Marsin atá slighe na hadhaltrannuighe; ithidh sí, agus glanuidh a béal, agus a deir sí, Ní dhéarna misi cionnta ar bith.

21 Ar son trí neithe ata an talamh míosthuáimhneasach, agus ar son a ceathair nach bhféadann iomchar.

22 Ar son seirbhísigh a nuáir ríaghlas sé, agus ar son amadáin a nuair bhios sé lán do bhiadh.

23 Ar son mna fúathmhaire a nuáir pósfar í, agus cumhaile bhios na hoighre air a maighistreás.

24 Atáid ceithre neithe beaga air an ttalamh: acht bíd ro chríonna.

25 Na seangáin, is dream iad nach bí láidir, gidheadh soláthruid a mbeatha san tsamhradh.

26 Ni bhfuil acht lucht éaittréorach annsna coininibh; gidheadh do níd a ttighthe annsoa cairgibh.

27 Ní bhí Rígh ag na lócuistibh; gidheadh tiaghaid amach uile iona ndreamuibh.

28 Beiridh an damhán alla greim re na lámhuibh, agus bí sé a bpálásuibh na Ríogh.

29 Atá trí neithe imthighios go maith;

... bhí fós a ceathair taitneamhach
... siubhal.
30 An leomhan, noch is láidre a
... na mbeathach, agus nach bhfil-
... tar ais ó éinni.
31 Cú, poc gabhair fós, agus Rígh
... éidir cur na aghaidh.
32 Má rinne tú go leamh ann thú
... do thógbháil súas, nó má smuáin
... [leag] do lámh air do bhéul.
33 Go deimhin do bheir maistriu-
... an bhainne im úadh, & do bheir
... na srona fuil amach: mairsin do
... foirneart na feirge ceannairg.

CAIB. XXXI.

... idheachd, & miosarrachd Ri. ... Cia, & gainne bhan shubhailceach.

Briathra an Righ Lemuel, a nfái-
theadóireacht do theagaisg a mha-
thair dhó.
2 Ciodh, a mhic? ciodh, a mhic
... bhronn? agus ciodh, a mhic mo
... ngéallionn?
3 Ní tabhair do neart do mhnáibh:
... do shlighthe don ni mhillios na
... ríghthe.
4 Ní cóir do Ríoghuibh, a Lemuel,
... cóir do Ríoghuibh fíon dól, nó do
... prionnsadhuibh deoch láidir dibhe.
5 Deagla go nibhedís deoch, agus
go ndearmodfaidís an dligheadh, agus
go ccláonfaidís breitheamhnus air aoin-
... a mbuaidhreadh.
6 Tabhraidh deoch láidir don tí atá
... chum dul a mugha, agus fíon don
... bhíos tiomchroidheach.
7 Ibhidh sé deoch, agus dearmui-
... sé a bhochtuine, agus ná cuimhni-
... sé a amhgar ní is mó.
8 Oscuil do bhéul, ar son an duine
... a ccúis a nuile dhuine do cin-
... chum aidhmhillte.
9 Oscuil do bhéul, déan breitheamh-
... cothrom, agus aighnis cúis an
... agus an riachtanuigh.
10 Cia fhéadas bean shubhailceach
... fhághail? óir atá a lúach a bhfad ós
cionn péarladh.
11 Cuiridh croidhe a fir a dhóigh go
... iote; iondus nach bia ríach-
tanus re creich aige.
12 Do dhéana si maith dhó, agus
ní holc, air feadh láethe a sáoghail.
13 Iarruidh si olann agus líon, agus
oibrigh si go humhal re na lámhuibh.
14 Is cosmhuil ré longaibh na gceann-
uigheadh í, do bheir si a beatha ó imchian.
15 Eirghidh si fós súil éirghios an
lá, agus do bheir si bíadh da muinntir,
agus comhroinn dá cailínibh.
16 Measuidh si fearann, agus ceann-
chaidh si é: le toradh a lámh plann-
duighidh si fíneamhuin.
17 Criosluigh si a leasrach le neart,
agus neartuigh si a rightheacha.
18 Mothuigh si gur maith a ceannuigh-
eacht; ní théid a coinneal as san noidhche.
19 Cuiridh si a lámha air an maide
sníomha, agus congmhaidh a lámha
an choigéul.
20 Sinidhsi a lámha amach don bhocht,
sinidh fós a lámh gus a neasbhuidheach.
21 Ní bhí eagla an tsneachta uirre
dá muintir: óir bid a muintir uile éud-
uighthe le [culaidheacha] dúbalta.
22 Do ní si dhí féin foluighe do thái-
peistrigh: is síoda & purpair a héadach.
23 Aithnighthear a fear annsna gea-
tadhuibh, a nuair shuighios sé a measg
shinnsior na tíre.
24 Do ní si linéudach sinealta, agus
reacuidh si é, agus do bheir si creasanna
don cheannuighe.
25 Neart agus onóir is éadach dhi,
gáirdeochuidh si san naimsir atá ag
teacht.
26 Osgluidh si a béul re gliocus,
agus iona teangaidh atá dligheadh an
chineultais.
27 Féuchuidh si go maith do shligh-
thibh a muintire, agus ní itheann si arán
an díomhaóinis.
28 Eirghid a clann súas, agus goirid
beannuighthe dhi, a fear fós, agus mo-
luidh sé í, [gha rádh,]
29 Do rinneadar mórán inghean neí-
the tréitheacha, acht do sháruigh tusa
iad uile.
30 Is meallta an dathamhlachd, agus
is díomhaoin an scéimh: acht an bhean
eagluighios an Tighearna, is isi mhol-
fuighthear.
31 Tabhraidh dhi do thoradh a lámh
féin, agus molaidís a hoibreacha féin
annsna geatadhuibh í.

ECCLESIASTES NO AN SEANMONTUIGHE.

CAIB. I.

... Díomhaóineas & an míothaitneamh a tá a ... dealus & doibrighthibh dhaóine.

Briathra an tseanmontuigh,
mac Dháibhi, Righ Jerusalem.
2 Díomhaóineas na ndío-
mhaóineas, ar an seanmon-
tuigh: díomhaóineas na
ndíomhaóineas, is díomhaói-
neas a nuile ní.
3 Cred an tarbha atá ag duine iona
uile shaothar do ní sé san ngréin?
4 Imthighidh ginealach, agus thig
ginealach [oile:] acht fanuidh an ta-
lamh go síorruidhe.
5 Eirghidh an ghrian fós, agus théid
an ghrian faói, agus deithfrighidh sé
gus a nait as ar éirigh sé.
6 Théid an ghaóth leath ris an ttáobh
ó dheas, & fillidh si fa gcuáirt chum an
tuáisceirt; iománuighsí timchioll fa

gcuáirt do ghnáth, agus iompoighidh an
ghaoth do réir a cúarta timchill.
7 Riothuid na huile ſhrotha chum
na fairge, gidheadh ní bhí a nfairge
lán: as a nát a ttangadar na ſrotha,
chuigeſin ſi'lid a rís.
8 Atá na huile neithe lán do ſhaothar,
ní ſhéadann duine a innisin: ní ſástar an
tſúil le faicsin, nó an chlúas le cluinſion.
9 An ní do bhí, ſé ſin an ní
bhías: agus an ní do rinneadh, ſé
ſin an ní do dheantar: agus ní bhfuil
ní nuadh ar bith ſan ngréin.
10 An bhfuil ní ar bith re ar féidir
a radh? Féuch ata ſo nuadh: do bhí
ſé ann cheana ón tſeanaimſir do bhí
romhuinn.
11 Ní bhí cuimhne ar bith ar na
ſeinneithibh, ní mó bhías cuimhne ar na
neithibh atá ag teacht ag an ndream
thiucfas na ndiaigh.
12 Miſi an ſeanmontuigh, do bhí mé
am Righ air Iſrael ann Jeruſalem.
13 Agus thug mé mo chroidhe do
ſpionadh, agus diarruidh eagna a ttaobh
gach aoinneithe da ndéantar faoi neamh:
thug Dia an ſaothar doilghe ſo do mha-
caibh an duine dá mbuaidhreadh leis.
14 Do chonnairc mé na huile oibrea-
cha dá ndéarnadh ſan ngréin, agus
féuch is diombaóin uile iad, agus buái-
dhreadh ſpioraide.
15 An ní atá cam ní héidir a dhéa-
namh díreach: agus an ní atá duireaſ-
bhuigh, ní héidir a áireamh.
16 Do chomhráidh mé rem chroidhe
féin, ghá rádh, Féuch tháinic mé chum
tábhachta móire, agus is mó fuáir mé
deagna ná a ttáinic romham uile an
Jeruſalem: do chonnairc mo chroidhe
fós mórán gliocuis agus eagna,
17 Agus thug mé mo chroidhe dfa-
ghiil éoluis na heagna, agus daithne
buile agus leimhe: do thuig mé gur bhu-
áidhreadh ſpioraide ſo mar an gcéadna.
18 Oir bí iomarcaigh doilghis a
niomarcuigh na heagna: agus an té
mhéuduighios éolus, méaduigh ſé dóbhrón.

CAIB. II.

Miothaitneamh na ſaimbe, 4 na náitreabh ſciambach, 8 & an tſaidhbhris, &c.

A Dubhairt mé ann mo chroidhe, Fal-
cim anois, deirbheochuidh mé thú
le ſubhachus, uimeſin bíodh aoibhneas
agad: agus féuch, is díomhaoineas ſo
mar an gcéadna.
2 A dubhairt mé a ttaobh an gháire,
Atá ſé ar buile: agus ſan tſúgradh, Cred
dá bhfoghnann ſé?
3 Diarr mé ann mo chroidhe, mé féin
do thabhairt dſion, (achd ag cur iúil
mo chroidhe ar eagna) agus greim do
ghlacadh don leimhe, nó go bhfaicinn
cred budh maith do mhacaibh na
ndaoine, do dhéanaidis faoi neamh ar
feadh uile láethe a mbeatha.
4 Do rinne mé dhamh féin oibreacha
móra, do chuir mé tighthe ſuas damh,
do phlannduigh mé lubhghoirt fhíon-
mhna dhamh féin.
5 Do rinne mé gáirdíne, agus ubh-
allghuirt damh féin, & do phlannduigh
mé croinn ionnta do nuile ſhórt toruidh.
6 De rinne mé locháin uiſge dhamh,
do fhliuchadh na fiodhbhaidhe léo as a
ttigeadh croinn.
7 Fuáir mé ſeirbhiſigh, agus cailighe
dhamh, agus rugadh ſeirbhiſigh ann
mo thigh; do bhádar fós ſealbha
móra dáirnéis mhóir agus bhig agam
ós cionn a nuile dhuine dá raibh ann
Jeruſalem romham.
8 Do chruinnigh mé dhamh féin air-
giod, agus ór, agus ionnmhus ſpeſialta
na Ríogh, agus na bproibhinnſeadh:
fuáir mé dhamh féin fir cheóil, agus mná
ceóil, agus aoibhneas mhac na ndaoine,
mar atáid adhbha chiúil, agus ſin do
nuile ſhórt.
9 Marſin do bhí mé mór, agus dfás
mé ní is mó ná a nuile dhuine do
bhí romham ann Jeruſalem: dfan fós
mo ghliocus agam.
10 Agus gidh bé ní do ſhantuigheadar
mo ſhúile, níor chonnaimh mé uatha é,
níor chonnuimh mé mo chroidhe ó
ſhólás ar bith óir do ghairdigh mo chro-
idhe ann nuile ſhaothar; agus do bé
ſo mo chuid dom ſhaothar uile.
11 Annſin dféuch mé air a nuile obair
dá ndéarnadar mo lámha, agus air an
tſaothar do oibrigh mé do dhéanamh: &
féuch, do bhí ſé uile na dhiomhaóineas,
agus na bhuáidhreadh ſpioraide, agus
ní raibh tarbha faói an ngréin ann.
12 Agus diompoigh mé mé féin do
mheas gliocuis, agus buile, agus leimhe;
óir cred ſhéadas an duine do dhéanamh,
thig a ndiáigh an Righ? an ní chéadna
do roinneadh roimhe.
13 Annſin do chonnairc mé go ſár-
uighionn gliocus an leimhe, mar ſhárui-
ghios ſolus an dorchadus.
14 Bid ſúile an duine ghlic iona
chionn, acht ſiubhluigh an tamadán
ſan dorchadus: agus maille ris ſin
do thuig miſi gur bhionann críoch dhei-
ghionach dhóibh uile.
15 Annſin a dubhairt mé ann mo
chroidhe, mar theagmhas don namh-
dán, is mairſin féin theagmhas damhſa;
agus uimeſin cread as a raibh mé ni ſa
glioca? annſin a dubhairt mé ann mo
chroidhe gur diomhaoineas ſo mar an
gcéadna.
16 Oir ní bhí cuimhne ar bith ar an
nduine nglic ní ſa mhó na ar a namadán
go ſiorruidhe: ó bhios an ní atá anois
ann ar na dhearmad annſna laethibh
atá ag teacht: agus cionnus éugus an
glic? mar a namadán.
17 Uimeſin dfúathuigh mé beatha do
bhrígh an tſáothair oibrighthior faói an
ngréin, gur doilligh dhamhſa é: óir is
diomhaoineas a nuile ní, agus buáidh-
readh ſpioraide.

18 Fó

18 Fós dfuathaigh mé muile ſnao-
thar noch fuair mé faói an ngréin, do
bhrígh go bhfúigfinn é ag an té do
theachd am dhiáigh.
19 Agus cía dhar ſiós an mbía ſé
'na dhuine chríonna, ná na amadán?
gidh cheana biáidh úachtaránacht aige ós
cionn mo ſháothairſi uile, ionar ſaoth-
raigh mé, agus ionar fhoillſigh mé mé
féin glic faói an nghréin; is díomhaói-
neas ſo mar an ccéadna.
20 Ar a nadhbharſin do chuir mé
[illegible] mo chroidhe do tharruing
[illegible], ó muile ſháothar fuair mé faói
an ngréin.
21 Oír bí duine ann agá mbí a ſháo-
thar a ccríonnacht, agus a néolus, agus
a ccomhthrom: gidheadh is ag duine
nar ſháothruigh annſin, fhúigfios ſé é
mar chuid ronna; is díomhaóineas ſo
[illegible] olc mór.
22 Oír cred atá ag duine dha uile
ſháothar, agus dá bhuáidhreadh croidhe,
ina bhfuair ſé ſaothar ſan ngrein?
23 Oír is doilghíoſa a láethe
[illegible], agus is dóbrón a ſhaothar; ní
[illegible] fós a chroidhe ſuáimhneas ſan
[illegible]: is díomhaóineas ſo mar an
[illegible].
24 Ní bhfuil ní ann is féarr do dhui-
ne ná ithe agus ól, agus áoibhneas do
thabhairt da anum ann a ſháothar; do
chonnairc mé ſo amhluidh gur ab ó
láimh Dé thig ſé.
25 Oír cía fhéadas ithe, nó cía eile
[illegible] deithfruighadh chuige, níſa mó
ná mé?
26 Oír do bheir Día don duine an
ní is maith iona radharc, eagna agus
eólas, agus ſólás: achd don pheacach
do bheir ſé ſaothar, do chruinniu-
ghadh, agus do chur ar muin a chéile,
ionnus go ttiubhradh don té is maith a
[illegible] Dé: is díomhaóineas ſo
[illegible] buáidhreadh ſpioraide.

CAIB. III.

[illegible] ſuáimhneas ar bith do chroidhe
[illegible] i ſelbhibh cleochloidheach.

ATá am ag gach uile ní, agus aim-
ſir ag gach uile thionnſgnámh
[illegible].
1 Aimſior chum beirthe, aimſir
[illegible] bháis: aimſir do phlann-
[illegible], agus aimſir chum an neithe do
[illegible]headh do tharruing ſúas.
3 Aimſir chum marbhtha, agus aim-
ſir chum leighis: aimſir do leagadh
[illegible], agus aimſir do chur ſúas.
4 Aimſir chum gola, agus aimſir
chum gáire: aimſir chum dóláis, agus
aimſir chum damhſa.
5 Aimſir do theilgion cloch a-
[illegible], agus aimſir do chruinniughadh
cloch a gceann a chéile: aimſir chum
[illegible]ghthe, agus aimſir chum coſg
[illegible]dhughadh.
6 Aimſir le faghAil, agus aimſir le
caill: aimſir chum taiſgidh, agus
aimſir chum cur a mugha.
7 Aimſir re ſtiallſadh, agus aimſir
ré ſúaigheal: aimſir re tochd, aim-
ſir re labhairt.
8 Aimſir re grádhughadh, agus aim-
ſir ré fúathughadh: aimſir re cogadh,
agus aimſir re ſíothcháin.
9 Cred an tarbha atá ag an té
oibrighios, annſa ni ſháothruighios?
10 Do chonnairc mé an ſaothar thug
Día do mhacaidh na ndaóine dá numh-
lughadh féin ann.
11 Do rinne ſé gach uile ní ſgia-
mhach iona am féin: do chuir ſé an ſao-
ghal fós ann a ccroidhthibh, iondus
nach bhfaghann duine ar bith amach fios
na hoibre do ni Día ó thús go deireadh.
12 Atá a fhios agam nach
bhfuil maith ar bith ionnta, acht go
mbiath duine gáirdeach, agus go ndéa-
nadh ſé maith ar feadh a bheatha.
13 Agus fós go nitheadh, agus go
nibheadh gach aonduine, agus go ſo-
láſuigheadh ſé iona uile ſhaothar féin;
ſé ſin tiodhlacadh Dé.
14 Atá a fhios agam gach a ndéa-
nann Día, go mbia ſin ſiorruidhe; ní
féidir éinní do chur na chionn, nó éa-
inní do bhuain de: & do ni Día ſo, chor
go mbiath eagla ag na daoinibh roimhe.
15 An ní do bhí, atá ſé ann anois;
agus an ní bhías, do bhí ſé ann cheana,
& iarruidh Día an ní do chuáidh thort.
16 Agus tuilleamh oile, do chonnairc
mé ſan ngréin áit an breitheamhnuis, go
raibh urchóid annſin; agus a náit an
cheirt, go raibh éaigceart ann.
17 Agus a dubhairt mé ann mo chro-
idhe, Breithneochuidh Día an firéan,
agus an drochdhuine; óir atá am ann
chum gach uile oibre, agus chum gach
uile thionſcanta.
18 A dubhairt mé ann mo chroidhe
a ttáobh ſtaide mhac na ndaóine, chor
go bhfoillſeochadh Día iad, agus go
bhfaicfidis féin nach bhfuil ionnta acht
ainmhighthe.
19 Oír an ní theagmhas do mha-
caibh na ndaoine teagmhaidh do na
hainmhighthibh, aoinní amháin theag-
mhas dóibh: óir mar théid cuid aca d'éag,
is marſin éagas an chuid oile, fós is aon-
anál amháin atá aca; marſin nach bhfuil
uáiſle ag an nduine thar a nainmhidhe;
óir is díomhaóineas iad ré chéile.
20 Rachaid uile a naonbhall amháin,
don luáithreadh iad uile, agus iompo-
chuid uile chum luáithrigh a ris.
21 Cía agá bhfuil a fhios go ttéid
ſpiorad an duine ſúas, agus go ttéid
ſpiorad an nainmhidhe ſíos chum na
talmhan?
22 Uimeſin measuim nach bhfuil
ní is féarr ná ſolás do bheith ar
dhuine iona oibreachaibh féin; óir iſé
ſin a chuid de: óir cía bhéaras é dféa-
chuin cred bhías na dhiáigh.

CAIB. IV.

Méaduighidh an mhothaitneamh, Leathtrom
4 tnú, 5 leisge, 7 Saint, 9 aonra-
nacht, 13 ⁊ crosdacht na ndaóine.

MArsin dfill mé, agus do mheas mé,
a nuile leathtrom do nithear fán
ngréin; agus féuch déora na druinge
do bhí fa leathtrom, agus ni raibh
cabhárthach aca; agus air tháobh na
muintire do rinne léathtrom orra, do
bhí neart, achd ní raibh cabharthach
air bith acasan.
2 Uimesin do mhol mé na mairbh do
chúaidh déag cheana, ní sa mhó ná an
drong atá béo fós.
3 Achd is féarr na iad aráon an té
nach ttáinic fós, nach bhfacaidh an
droichghníomh do nithear faói an ngréin.
4 Do mheas mé a rís gach uile sháo-
thar, agus gach uile obair cheart; gu-
rab air a shonso thnúthuighios duine re
na chomharsain: is díomhaóineas so fós,
agus buáidhreadh spioraide.
5 Fillidh a nóinmhid a lámha fa ché-
ile, agus itlidh a fheòil féin [ghá rádh]
6 Is féarr lán duirn le suáimhneas
ná an dá láimh lán lé saothar agus le
buáidhreadh spioraide.
7 Annsin diompoigh mé, agus do
chonnairc mé díomhaóineas faói an
ngréin.
8 Atá áon amhain ann, agus ni bhfuil
a leithèid eile; ni bhfuil fós leanabh nó
dearbhrathair aige: gidheadh ní bhí
críoch air a shaothar, & ní sastar a shúil
ré saidhbhrios, ní mó a deir sé, Cia dhá
bhfuilim ag saothrughadh, & dá seach-
nuim manam ar mhaith? is díomhaói-
neas so fós, agus is drochsháothar é.
9 Is féarr días nó duine, do bhrígh
go bhfuil luáigheacht mhaith aca ar son
a saothair.
10 Oir má thuitid siad, toigeobhuidh
an fear oile a chompánach; acht a
mhairg don té bhíos na áonar a nuáir
thuitios sé: óir ní bhí duine oile aige
dó chungnamh a thógtha súas.
11 A rís má luighionn días a bhfo-
chair a chéile, annsin biáidh siad te: acht
cionnus fhéadas duine na aonar a
bheith té.
12 Agus má bhuáidhionn áon na a-
gháidh, seasfuid días leis; agus ni furas
córda fillte trí huáire do bhriseadh.
13 Is féarr leanabh bocht agus crí-
onna, ná Rígh seannda amadánach,
nach géabha teagasg ní sa mhó.
14 Oir is as príosún thig seision
do ríoghadh: an té fós beirthior iona
ríoghacht, sásuigh sé bocht.
15 Do mheas mé a nuile ní béo,
noch shiubhlus fan ngréin, ris an dara
leanabh sheasfas súas iona áit.
16 Ní bhfuil críoch air an bpobal uile,
do nuile dá raibh rompa; an mhéid fós
thiucfas na ndiáigh, ní dhéanaid gáirdeá-
chus annsan: go deimhin fós is díom-
mhaóinios so agus buáidhreadh spioraide.

CAIB. V.

Liáigheas ar na díombáineasa reamhráidhte.

COinnimh do chos a nuair rachas
tú go tigh Dé, agus go madh
reidhe bhias tú do chluinsion ní do
thabhairt íodhbhartha na namadán
uáit: óir ni mheasuid siad go ndé-
nuid olc.
2 Ná bí obann le do bhéal, agus ná
bíodh do chroidhe lúath do labhairt én-
neithe a lathair Dé: òir atá Día ar
neamh, agus atá tusa air talamh: uime-
sin go má tearc do bhríathra.
3 Oír thig aisling tre iomad na
ngnothuigheadh, águs aitheantar guth a
namadáin lé hiomad na mbríathar.
4 A nuáir do bhéarus tú móid do
Dhía, ná cuir cáirde air a díol: óir ní
bhfuil dúil aige annsna hamadánaibh;
íoc an ní do mhóidigh tú.
5 Is féarr dhuit gan móid do tha-
bhairt, ná móid do thabhairt agus gan
a comhall.
6 Ná léig lé do bhéul a thabhairt ar
thfeóil peacughadh, agus na habair a
lathair a naingil, gurab earráid é: créd as
a mbeith fearg ar Dhia fa do ghlòir,
agus obair do lámh do mhilleadh?
7 Oír a niomad na naislingeadh, agus
a niomad na mbríathar, atá iomad dío-
mhaoinis: acht bíodh eagla Dé ort.
8 Má chí tú fóirneart air an mbocht,
agus cláonadh éigiontach breithe-
mhnuis agus ceirt a bproibhinse,
ná bíodh iongnadh agad annsa chúis:
óir airighidh an té is áirde ná an té is
ro áirde, agus atá ann ní is áirde ná
iadsan.
9 Tuilleamh oile, is fa choinne gach
aónduine atá tarbha na talmhan: do
ni an machaire seirbhís don Rígh féin.
10 An té ghrádhuighios airgiod, ni
sastar lé hairgiod é; nó an té
ghrádhuighios iomarcaigh, ré bi-
seach: is díomhaóineas so mar an
gcéadna.
11 A nuáir fhásas an mhaóin, fá-
suigh an lucht ithios é: agus créd éan
mhaith don tí ler leis iad, acht a
bhfeithiomh amháin lé na súilibh?
12 Is milis codladh an tsaothruigh-
the, madh beag nó mór iosas sé: acht ní
léigionn a niomadamhlacht don tsaidh-
bhir codladh.
13 Atá olc romhór do chonnairc mé
faói an ngréin, saidhbhris dá thai-
gidh don droing ler leis é, chum a
ndochair féin.
14 Acht imthighe an saidhbhrios
sin seachad le drochsháothrughadh:
agus ginidh seision mac, agus ní bhionn
éainní iona láimh.
15 Mar tháinic sé amach as broinn
a mhathar, fillfidh sé tárrnochd, dim-
theacht mar tháinic sé, agus ní bhéara sé
éinni

[illegible] dha shaothar do bhéaradh sé leis
ina láimh.
16 Agus is géar an tolcsa mar
an gcéadna, air an modh céadna a
[illegible] sé, go nimtheocha sé amhluigh :
agus cred é an sochar atá ag an té do
shaothruigh ní don ghaóith.
17 Ar feadh a uile láetheadh ithidh
sé a ndorchadas, agus bí sé lán do
dhobhrón, agus dfeirg ré na easláinte.
18 Féach an ní sin do chonnairc misi:
is maith & is breádha do dhuine ithe,
& ól, & sóláſughadh a maith a shaothair
uile, noch ghlacas sé faói an ngréin, air
feadh uile laethe a shaoghail, noch do
thabhair Día dhó : óir isé sin a chuid ronna.
19 Gach uile dhuine fós dá ttug
Dia saidhbhrios agus maóin, agus dá
ttug sé cumhachta ithe dhe, & a chomh-
roinn do ghlacadh, agus sóláſughadh ann
a shaothar : sé so tiodhlacadh Dé.
20 Oír ní mór chuimhneochus sé láe-
the a shaoghail : do bhrígh gur fhrea-
gair Día é a sólás a chroidhe.

CAIB. VI.

[illegible] an tsaidhbhir, shanntaigh, [illegible].

ATa olc do chonnairc mé faói an
ngréin, agus is coitchionn a measg
na ndaoine é.
2 Duine dha ttug Día saidhbhrios,
maóin, agus onóir, iondus nach bí
[illegible] air dha anam, do nuile
a [illegible] mían leis: gidheadh ní bheir
Día cumhachta dhó ithe dhe sin, acht
ithidh coimhthigheach é : is díomhaói-
neas so, agus is olc a neasláinte í.
3 Má gheinion duine céud do chloinn,
agus go mairfidh mórán blíadhan, ionnus
go mbeid láethe a bhliadhan iomada-
mhail, agus nach líontar a anam do
[illegible], agus fós nach bhfuighe sé adhla-
cadh, a deirim, gur feárr gin nach ttig
i [illegible] ná é.
4 Oír thig seisíon la steach lé dìo-
mhaoineas, agus imthigh sé a ndorcha-
das, agus foileochthar a ainm lé dor-
chacht.
5 Tuilleamh fós, ní fhaca sé an ghrí-
an, agus ní raibh éolus aige : is mó
an [illegible] atá aigesion ná aige súd
eile.
6 Mí mhairionn sé fós míle blíadhan
fá dhó, thairis sin ní fhaca sé maith
ar bith : nach ttíaghaid uile a náonbhall?
7 Is chum a bhéil bhíos uile shaothar
an duine : acht cheana ní coiſcthear a
[illegible]bian.
8 Oír cred atá ag an duine
glic ní sa mhò ná atá ag ama-
dán ? cred atá ag an mbocht do
fhéadir siubhal as coinne na mbéo?
9 Is feárr radharc na súl ná sea-
chrán na toile : is díomhaóineas so
mar an gcéadna, agus buáidhreadh
spioraide.
10 An ni do bhí ann, do hainmni-
gheadh sin cheana, agus is fiosach gur
bé an duine é: agus ní fhéadann im-
reasan ris an té is neartmhuire ná é.
11 O atáid mórán do neithibh mhéa-
duighios díomhaóineas, cred an maith
atá ag an nduine ann?
12 Oír cía dhar fios cred is maith
don duine san tsaoghalso, a láethibh
a bheatha díomhaoine uile noch chai-
thios amhuil sgáile? óir cía fhéadas
a innisin do dhuine cred bhias na
dhiáigh faói an ngréin?

CAIB. VII.

Gur leasughagh fós ar dhíomhaineas, deagh ainm, 2 fulang, 11 & Gliccas, 23 noch atá do-fhaghail.

IS féarr ainm maith ná ola mhór-
luáigh : agus lá an bháis ná ló
an bheirthe.
2 Is féarr dul go tigh an doilghis
ná dul go tigh a nféasta : oír isé sin
críoch dheighionach gach áonduine,
agus cuirfidh an béo le na chroidhe é.
3 Is féarr doilghios ná gáire : óir
le dubhachus na gnúisi do nithear an
croidhe ní is féarr.
4 Bí croidhe a neagnuigh a ttigh na
cumhadh : acht bid croidhthe na na-
madán a ttigh an tsubhacuis.
5 Is féarr éisteachd re hachmhusán
a neagnuidh, ná do dhuine éisteachd re
habhrán na namadán.
6 Oír amhuil briosgarnach na ndos
faói phota, is mairsin bhíos gáire a
namadáin ; is díomhaoineas so mar an
ccéadna.
7 Go deimhin cuiridh leathtrom, duine
críonna ar buile, agus millidh tiodhla-
cadh an croidhe.
8 Is féarr críoch dheighionach neithe
ná a thosach: & is féarr an foighideach
a spioraid ná an tuaibhreach a spioraid.
9 Ná bí deithniosach ann do spio-
raid chum feirge : óir comhnuighidh
a nfearg a mbrollach na namadáin.
10 Ná habair, Cred an fáth a ra-
bhadar na láethe roimhe, ní is féarr
ná iadso ? óir ní glic dhuit so dfia-
fruighe.
11 Is maith a neagna maille re hoigh-
reacht : agus bí a tharbha ag an mheid
do chí an ghrían.
12 Oír is sgáile a neagna, agus is
cumhdach an tairgiod, acht isé deaſcnu-
ghadh a néoluis, go ttabhair a neagna
fáoghal don druing agá mbí sí.
13 Meas obair Dé ; óir cía fhéadas
sin do dhéanamh díreach, noch do
rinne seision cam.
14 Bí lúathgháireach a ló do
shonuis, acht meas a ló do dhonuis :
do chuir Día féin so na aghaidh súd,
ar chor nach bhfuigheadh duine aoinni
na dhiáigh.
15 Do chonnairc mé na huile
neithe a laethibh mo dhíomhaóinis :

bi duine fíréanta thuitios iona ionnra-
cas, agus bí drochdhuine fhaduighios a
laéthe iona olc.
16 Ná bi ceart go ro iomatcach, agus
ná déana thú féin ro chríonna: cred as
a millféa thú féin?
17 Ná bi go ro olc, agus na bi
amadánach: cred as a néagfa roimhe
ham?
18 Is maith dhuit greim do bhreith
airso, úadhso fós na tarruing do lámh:
óir an te ar a mbí eagla Dé, tiucfuidh sé
asta amach uile.
19 Neartuigh an gliocus duine crí-
onna ni is mhó ná deithbheambar do
dhaoinibh cumhachtacha atá annsa cha-
thruigh.
20 Oír ní bhfuil duine fíréanta air an
ttalamh do ní maith agus nach bpea-
cuighionn.
21 Ná tabhair aire fós do gach
ionfhocal dá laibheorthar; deagla
go ccluinsea do shearbhfhoghantuighe dot
mhallughadh.
22 Oir is minic fós bhios a
fhios ag do chroidhe, gur mhalluigh tú
féin amhluidhsin, daóine oile.
23 Le heagna do dhearbh mé so uile;
a dubhairt mé, Biáidh mé glic, acht dob
fhada sin uáim;
24 An ni sin atá ro fhada uáim, atá
ro dhomhuin, cia fhéadus a thuicsin?
25 Thug mé mo chroidhe dfagháil
éoluis, agus do spíonadh agus diarruidh
eagna agus réusuin[neitheadh], agus dfios
urchoide na leimhe, eadhon na hama-
dánachda agus na buile.
26 Agus do gheibhim ní is seirbhe
ná an bás, an bhean ag ar páinteir
agus líonta a croidhe, a lámh amhuil
géibhionn: gidh bé do ní toil Dé,
rachaidh sé ás uaithe, acht glabhthar
an peacach lé.
27 Féuch, fúair mé so (ar an sean-
mortuigh) ag meas gach aóinneithe a
ndiáigh a chéile dfaghail fheasa na
ccéille amach.
28 Noch atá manam díarruidh fós,
acht ni fhaghaim é: fuáir mé aóin-
fhear a measg mhíle, acht bean na
measg sin uile ní bhfuáir mé.
29 Féuch, ag so amháin fuáir mé,
go ndéarnuidh Día an duine fíréanta:
acht díarradar féin iomad smuáintighthe
amach.

C A I B. VIII.

Umhla cubhaidh do Ri. 12 & gur fearr deagh dhuine a naindeisi, no neamhdhuine a nonoir.

CIá atá mar a neagnuidhe, agus cia
dhar fios ciall neithe? do bheir
eagna an duine, air a ghnúis déallrughadh,
agus athrochtar dánacht a aighthe,
2 Comhairlighim dhuit aithne an Ríogh
do choimhéad, & sin ar son mionna Dé.
3 Ná bíodh deithfir ort do dhul as a
radharc: ná seas a ndroichní, óir do ní
seisiom an ní is áill leis féin.
4 Mar a mbí focal an Rígh, bí cu-
mhacht: agus cia fhéadas a rádh ris,
Cred é sin do ní thú?
5 Gidh bé choimhlionas a aithne, ní
mhothochuidh sé droichní ar bith: & bí
fios aimsire agus breitheamhnuis ag
croidhe an duine ghlic.
6 Do bhrígh go bhfuil ag gach uile
thionnsgnamh, am agus breitheamhnus:
uime sin is trom truáighmhéile an duine
air féin.
7 Oir ní fheidir sé an ni bhías ann:
óir cia fhéadas a innisin dó ca huair bhí-
as sé ann.
8 Ní bhfuil duine ar bith agá bhfuil
cumhacht air an spioraid chum a fhu-
raide dfostogh; ní mó atá cumhacht
aige a ló an bháis, agus ní bhfuil des-
ghailt (aige) annsa ccogadh sin, ní mó
shaorfas an tolc an drong do bheir iad
féin dó.
9 Do chonairc mé so le chéile, agus
thug mé mo chroidhe do gach uile obair do
nithear faoi an ngréin: bí uáir ann a
riaghlann duine ós cionn aroile chum a
dhochair féin.
10 Agus is marsin do chonairc mé
na drochdhaoíne dá nadhlacadh, noch do
thigeadh, & dimthigheadh ó áit an na-
oimh, agus do dearmadadh iaid sa ca-
thruidh iad iona ndéarnadar sin: is dío-
mhaóineas so mar an ccéadna.
11 Do bhrígh nach ccuirthear breithe-
amhnus (a naghaidh) droichghníomha a
gcrich ar ball: uime sin bid croidhe
chloinne na ndaóine ar lasadh chum olc
do dhéanamh.
12 Dá mbeith go ndéanadh pe-
ach olc céud uáir, agus go bhfadó-
chuidh a laéthe: gidheadh go de-
mhín atá fhios agam go mbeithir
go maith ag an ndrung eagluigh-
os Día, noch air a mbí eagla dá fia-
thair.
13 Acht ní bheithfior go maith ag
an ndrochdhuine, ní mó fhaddochas sé a
laéthe; biaidh sé amhuil scáile, do
bhrígh nach eagluighionn sé roimhe
Dhía.
14 Bídh díomhaóineas noch do
nithear air an ttalamh, go bhfuil
daóine fíreanta dá ttéagmhann do
réir oibreach na ccionntach: a tá
bíd cíomhtuigh da ttéagmhann do
réir oibreach na bhfiréan: a dú-
bhairt mé gur díomhaóineas so mar
an ccéadna.
15 Annsin do mhol mé an subhái-
chas, do bhrígh nach bhfuil ní is fearr
ag an nduine faói an ghréin, ná
ithe agus ól, agus beith súbhach:
óir fanfuidh sin aige do shaothar
laéthe a bheatha, noch do bheir Dia
dhó faói an ngréin.
16 A nuáir thug mé mo chroidhe
déolus na heagna, & dfaicsin an ghnotha-
ghe do nithear ar talamh; bíodh nach
bhfaicionn duine codladh lé na shúilibh
lá nó oidhche.

17 Annsin

17 Annsin dféuch mé air obair Dé
[illegible] bhféadann duine a nobair
[illegible] faoi an ngréin dfaghail a-
[illegible]; do bhrigh biodh go ttiubhradh
[illegible] air a fhaghail amach,
[illegible] fós, biodh go saoilfeadh
[illegible] críonna a neólus fin dfaghail;
[illegible] fin ní bhia ar chumas a
[illegible].

CAIB. IX.

[illegible] & dubhaigean dho-aithnighe, [illegible] Dhé, 13 & gu buadhuigh Eagna ar [illegible].

Thairis so, do chuir mé romham ann
mo chroidhe, so uile dfoillsiughadh
[illegible] an fíréun, agus an teagnuidhe,
[illegible] a noibreacha a láimh Dé; ní feas
[illegible] ar bith gradh no fúath, re
[illegible] ní dá bhfuil rompa.
2 Is ionann [thig] gach uile ní do
[illegible] duine; is ionann críoch do nfí-
[illegible] don chiontach; don mhaith &
[illegible] don neamhghlan: don
[illegible], & don tí nach iodhbrann:
[illegible] an duine maith, marsin bhíos
[illegible]; agus an té mhionnuighios,
[illegible] an té eaglnighios mionna.
3 Is olc so a measg na huile neithe
[illegible] faói an ngréin, go bhfuil
[illegible] aca uile: atá fós cro-
[illegible] na ndaóine lán dolc, & do
[illegible] ina ccroidhe an fad mhairfid
[illegible] na dhiaighsin téighid chum
[illegible].
4 [illegible] atá dóthchus ag an tí atá cean-
[illegible] a nuile bheó; óir is féarr mad-
[illegible] na leomhan marbh.
5 [illegible] atá a fhios aig na béodhuibh,
[illegible] siad: acht ní bhí fios neithe
[illegible] na mairbh; ní mó atá luaigh-
[illegible] bith aca ní sa mhó; óir dhear-
[illegible] a ccuimhne.
6 Atá fós a ngradh, & a bhfúath, a-
[illegible] anois caillte; ní mó bhias
[illegible] brath a rís cuid daóinni da
[illegible] faói an ngréin.
7 [illegible] romhad, ith harán maille re
[illegible], agus ibh thfíon le croidhe súgach;
[illegible] Día anois hoibreacha.
8 [illegible] éadach a ccomhnuidhe geal,
[illegible] biodh easbhuidh uinnemeinte air
[illegible].
9 [illegible] do bheátha a ttír go gáir-
[illegible] bhfochair do mhná air a mbí
[illegible] agad, air feadh uile láethe fhío-
[illegible] do dhíomhaoinis, noch thug [Día]
[illegible] faói an ngréin uile láethe do dhí-
[illegible]: óir isí fin do chuid annsa
[illegible], agus ann do shaóthar do
[illegible] tú faói an ngréin,
10 Gidh bé ní gheabhas do lámh ré a
[illegible], déan é red dhíthchioll; óir ní
[illegible] obair, nó tionnsgnamh, nó eolus, nó
[illegible] ann sa naigh mar a racha tú.
11 [illegible] mé, agus do chonnairc mé
[illegible] an ngréin, nách don lúath atá an
[illegible], nó an cath don neartmhar,
nó fós an tarán do neagnuidh, nó fós
saidhbhrios do na daóinibh tuigsionacha,
nó fós fabhar do lucht an ghliocuis, acht
go tteagmhann am agus ciuneamhuin
dóibh uile.
12 Oir ní fios don duine fós a am
féin, do nós na niasg gabhthar a ndro-
ichlíon, agus amhúil na heóin gabhthar
san phaintéar: mairsin bhíd clann na
ndaoine gabhtha a ndroch am, a nuair
thuitios sé go hobann orra.
13 Do chonnairc mé fós an chríon-
nachtsa faoi an ngréin, agus is mór
dhamh í.
14 [Do bhí] cathair bheag, agus
beagán daoine innte; agus tháinic Rígh
mór na haghaidh, agus do shuigh sé na
timchioll, agus do chuir sé daingneacha
móra súas na haghaidh.
15 Anois do frith innte duine bocht
eagnuidhe, agus do tharthaigh sé an cha-
thair le na eagna: gidheadh níor chuimh-
nigh áonduine an duine bochtsin.
16 Ann sin a dubhairt misi, Is féarr
eagna ná neart: thairis sin tarcaisnigh-
thior eagna an duine bhoicht, agus ní
heistior a bhriathra.
17 Eistior briathra na ndaóine nglic a
gciúnas, ní sa mhó ná comhairc an té
ríaghlus a measc amadán.
18 Is féarr críonnachd ná airm cog-
aidh: acht milleadh áoinpheacach a-
mháin mórán maitheasa.

CAIB. X.

Anaghaidh onóir na nscraiste, 18 [illegible], 20 & dhroch-rún atthaobh an Rígh.

DO bheirid cuile mhairbh air ola an
photecari drochbhaladh do chur a-
mach: marsin do ní beagan leimhe an
té air a mbí meas gliocuis, agus onóra.
2 Bí croidhe an duine ghlic air a
láimh dheis, acht bí croidhe a nama-
dáin air a láimh chlé.
3 A nuair fós shiubhluighios an té
bhíos na óinmhid annsa tslighe, cailligh
a eagna air, agus a deir le cé gach áon,
gurab amadán é.
4 Ma éirghionn spiorad a núachtaráin
ad aghaidh, ná fág hait; óir ciunuigh
umhla, cionta móra.
5 Atá olc do chonnairc mé faói an
ngréin, amhuil seachrán thig ó núach-
tarán.
6 Cuirthear an leimhe a nárrach-
tas mhór, agus suighid na saidhbhre a
náit ísil.
7 Do chonnairc mé seirbhísigh air
eachaibh, agus prionnsadha amhuil seir-
bhísigh ag siubhal air an ttalamh.
8 An té thochlas poll, tuitfidh sé féin
ann: agus gidh bé bhrisios fál, goirteo-
chuidh nathair nimhe é.
9 Gidh bé athruighios clocha, goirte-
ochthar leo é: agus biaidh an té scoil-
tios connadh, a nguais leis.
10 Ma bhíonn an tiaran maol, & nach
géireochuidh sé an faobhar, caithfidh sé

tuille neirt do chur leis: acht is tar-
bhach a neagna chum tréoruighthe.
11 Go deimhin goirteochuidh a nai-
tir nimhe gan droigheacht; agus ní féarr
an ſiorchainteach.
12 Bíd bríathra bhéil an duine ghlic
gráſamhuil, acht ſluigfid puiſine a nama-
dáin é féin ſíos.
13 Is amadánacht toſach bhríathar a
bhéil, agus is buile urchóideach críoch a
chainte.
14 Bí an tamadán fós lán do bhriath-
ruibh; ní fheidir duine cred bhías ann;
agus cía fhéadas innſin cred bhías na
dhiaigh?
15 Tuirſigh ſaothar na namadan gach
aon aca ſa leith, do bhrígh nach éol dó
dul don chathruigh.
16 A mhairg dhuit, a thír, a nuair is
leanabh do Rígh, agus ithid do phrionn-
ſuidhe bíadh ar maidin.
17 Is ſona thuſa, a thír, a nuair bhus
mac na nuaſal do Rígh, agus iothuid do
phrionnſuidhe iona am féin, chum neirt,
agus ni chum meiſge.
18 Le hiomad leiſge tuitidh an foirg-
neadh: agus tre dhíomhaóineas na lámh
ſilidh an tigh thríd.
19 Do nithear féuſta chum ſugartha, &
do ní an fíon duine ſúgach: & freagraidh
an tairgiod na huile neithe.
20 Ná malluigh an Rígh, ní headh
ná déana ann hinntin, agus ná mállaigh
an ſaidhbhir ann do ſheomra leaptha:
óir iomchóruigh éun a naiéir do ghlór,
agus an ní ar a bhfuilid ſciatháin inneo-
ſuidh ſé an chúis.

CAIB. XI.

Daónacht do chuimhniughadh, 7 le bás & breitheamhnas, a nam na hóige.

TEilg haran air na huiſgeadhuibh;
óir do gheabha tú é tar éis mhó-
ráin do láethibh.
2 Tabhair cuid ronna do mhóir-
ſheiſior, agus mar an cceadna dochtar:
óir níor fheadair tú cred an tolc bhías
air an ttalamh.
3 Má bhid na néulla lán dſearthuinn,
folmhuighid iad féin air an ttalamh: a-
gus ma thuitionn an crann budh dheas
nó budh thuaidh; annſa náit a ttuitfidh
an crann, is ann bhías ſé.
4 An té ghéillios don ghaóith, ní
ſhíolchuirfidh ſé: & an té bhéaras aire
do na néulluibh, ní bhainfe ſé.
5 Mar nach bhfeadair tú créd é
ſlighe na ſpioraide, nó cionnus ſhaſuid
na cnámha a mbroinn na mná bhíos tor-
rach: marſin nach bhfeadair tú oib-
reacha Dé, noch do ní a nuile ní.
6 Cuir do ſhíol ar maidin, agus ná fill
do lámh tráthnóna: óir níor fheadair
tú cía bhéaras biſeach, ſo ná ſúd, nó an
mbeid araon comhmaith ré chéile.
7 Go deimhin is milis an ſolus, agus
is ní ſoláſach do na ſúilibh an ghrian
dſeithiomh.
8 Acht má mhairionn duine iomad
bliadhan, agus gáirdiughadh ionna
uile; thairis ſin cuimhnigheadh ſé láethe
an dorchadais; óir budh iomadamhuil iad
is díomhaóineas a nuile ní dá ttig.
9 Gáirdigh, a dhuine óig, ann hóige, &
cuireadh do chroidhe ſúgachas ort a lá-
thibh hóige, & ſiubhail a ſlighthibh do
chroidhe, & a radharc do ſhúl: acht bídh
a fhios agad ar ſon na neithionnſo
uile go ttiubhraidh Día chum breithea-
mhnus thú.
10 Ar a nadhbharſin díbir dóbrón as
do chroidhe, agus cuir uáit olc a
thſeóil: óir is díomhaoineas leanbai-
gheacht agus óige.

CAIB. XII.

Foillſiughadh ſioghardha ar an aóis arſaidh, 3 agus ar an ard-chúis.

CUimhnigh a nois do chruthaigh-
theóir a láethibh hóige, ſul thio-
fuid na drochláethe, nó dhruidfid na blia-
dhna riot, a naibeora tú, Ni bhfuil ſúas
air bith agam iontadh.
2 An fad nach bía an ghrían, nó an
ſolus, nó an ghealach, nó na réulta dor-
chaidhthe, nó nach bhfillid na néulla
tar éis fearthanna:
3 Ann ſa ló a ccriothnochuid na
mhéaduighthe an tighe, agus a ccrom-
fuid na daoine láidre iad féin, agus a
ſcuirfid na meillteóirigh, do bhrígh go
bhfuilid tearc, agus an drong fhéuchas
amach annſna fuinnéogaibh go mbid
dorchaidhthe,
4 Agus go ndruidfighthear na doirſi
annſna ſráidibh, a nuáir bhios fuaim na
meilte íſiol, agus go néireocha ſé ſuas le
guth a néin, agus go ttiubharthar uile
ingheana an cheóil go híſiol;
5 A nuáir fós bhías eagla orra ó ní
árd, agus ó chritheagal annſa tſlighe,
agus bhláitheochus an crann almond, a-
gus go madh húalach an dréollán teaſ-
bhuidh, agus fhailleochus an fonn: do
bhrígh go ttéid an duine go hait a ſhío-
ghail, agus go ttéid na cumhthuigh tim-
chioll na ſráideann.
6 No ſuil ſgaóilfidhthear an córda
airgid, nó briſfighthior an bulla óir,
nó bhías an meadar briſte ag an tio-
bar, nó an pota briſte ag an ttiubraid.
7 Annſin fillfidh an luaithreadh chum na
críadh már do bhí ſé: agus fillfidh an
ſpiorad chum Dé, noch thug uadh é.
8 Díomhaóineas na ndíomhaóineas
[ar an ſeanmóntuigh]: is díomhaói-
neas a nuile ní.
9 Agus tuilleamh fós, do bhrígh go
raibh an ſeanmóntuigh glic, do mhúin
ſé éolus do ghnáth don phobal; thug ſé
fós aire mhaith, agus do ſpíon ſé amach,
agus do chuir móran ſeanfhocal a nór-
dughadh.
10 Do thairg an ſeanmóntuighe brí-
thra toghtha dfagháil amach, agus an ní
do ſcríobhadh do bhí ſé díreach, brí-
thra na fírinne.

11 Atáid

11 Atáid bríathra a neagnuidh a-
[illegible] deatha, agus amhuil tairngidh ar
[illegible]ghadh ré maighistribh na
[illegible]chtas, noch do bheirthior ó áon
[illegible]aighe amháin.
12 Agus tuilliomh, a mhic, maille riu
[illegible] múnadh: ní bhi críoch air
[illegible] leabhar do dhéanamh, agus is
cuirthe do nfeóil iomad an fluidéir.
13 Cluinmíd críoch na cúise uile:
Eagluigh Día, agus coimhéad a aithean-
tha: óir sé so iomlán an duine.
14 Óir do bhéaruidh Día gach uile
obair chum breitheamhnuis maille re
gach uile ní secréideach, mas maith,
nó mas olc é.

CAINTIC SHOLAIMH.

[illegible] fhiogbhardha, atá malairt ghrádha Chriosd don Eagluise,(no do nanam ghlan;) & a ngrádh sin dúsan fa seach, ar ná thaisbeanadh.

CAintic na ccainticeadh,noch
is lé Solamh.
2 Pógadh sé misi lé pó-
guibh a bhéil: óir is féarr
do ghrádh ná fíon.
3 Do bhrígh deaghbho-
[illegible] hainnimeinte maithe, is cosmhuil
[illegible] ré ola dóirte amach; uimesin
[illegible] na maighdiona thú.
4 Tarraing misi, riothfam ad dhiáigh;
[illegible] an Rígh dhá sheomradhuibh mé;
[illegible] liathghaire orrainn, agus do dhéa-
[illegible] ioonadia, agus cuimh-
[illegible] do ghrádh nísa mhó na fíon:
[illegible] leis an bhfírean thú.
5 Atáimse dubh, acht [atáim] sgia-
[illegible], ó a ingheana Jerusalem: amhuil
[illegible] Cédair,amhuil cúirtíne Sholuimh.
6 Na féchuidh orumsa, do bhrígh go
[illegible] dubh,do chionn gur fhéuch an
[illegible]; do bhádar clann mo mha-
[illegible]ach riom, do rinneadar coimh-
[illegible] a lubhghoirt fhíneamhna
[illegible], [acht] níor choimhéad mé
[illegible] féin.
7 [illegible] damh,thusa air a bhfuil grádh
[illegible], cáit a ninghiltinn tú, cá háit
[illegible]ghionn tú do thréad san mea-
[illegible]: óir cred as a mbeinnsi mar
[illegible] dompochadh do leatbtaóibh láimh
[illegible] do chompánach?
8 [illegible] bhfeidirse, ó thusa is sciamh-
[illegible] a measg na mban, imthigh rombad
[illegible] le coiscéimibh an tréada, agus
[illegible] do mheannáin a bhfochair
[illegible] na náodhaireadh.
9 Do choimhmeas mé thú, a ghrádh,
[illegible] mharcach a ccarba-
[illegible] Pharao.
10 Is breághdha do ghruáidhe lé peir-
[illegible],do mhuinéal lé slabhradhuibh óir
11 Do dhéanamne ímle ór dhuit mail-
le lé [illegible] airgid.
12 An feadh bhías an Rígh na shuighe
[illegible] a bhórd,cuiridh mo spiocnard a bho-
[illegible].
13 Is ceanglachán Mirr dhamhsa mo
[illegible]: luighfidh sé air feadh na
[illegible] idir mo chiochuibh.
14 [illegible] mo ghrádh dhamhsa amhail trio-
[illegible] a bhfíneamhuin Engedi.
15 Féch atá tú sgiamhach, a ghrádh,
[illegible], atá tú sciamhach, atáid súile co-
[illegible] agad.
16 Féuch,atá tú breágha, a ghrádh, agus
taitneamhach: atá fós ar leabuidh glas.
17 Is cedair gabhla ar ttighe, agus is
do ghiumhas ar ttáobháin.

CAIB. II.

Gradh, 8 dóchas, 10 & gairm na Heagluise. 14 Aire Chriosd orra; 16 & a muinighinne.

IS misi rósa Sháron, agus lile na
ngleann.
2 Mar bhíos an lile a measg na ndo-
sán, is mairsin bhíos mo ghrádhsa a
measg na ningheau.
3 Mar bhíos a nabhall a measg chrann
na coilleadh, marsin bhíos mo ghrádh-
sa a measg na mac. Do shuigh mé *fíos*
fa na scáth maille ré [illegible] mhóir; agus
do bhídh milis a thoradh dom charbad.
4 Rug sé go tigh na fleidhe mé, agus
ba hí a bhratach, a ghrádh dhamhsa.
5 Connaimh mé ré flagúnaibh, comh-
fhurtaigh ré hubhalluibh mé; oír atáim
tinn tré ghrádh.
6 Atá a lámh fám chionn, agus tean-
naidh a lámh dheas ris mé.
7 Aithnighim dhíbh, a ingheana Jeru-
salem, maille ré pocaibh agus ré heili-
tibh an mhachaire, gan mo ghrádh do
chorrughadh súas nó do mhúsgladh,
nó go ttogra sé féin.
8 Guth mo ghrádhuigh, féuch atá sé
ag teacht a léimnigh ar na sléibhtibh, ag
tuslógadh ar na cnocaibh.
9 Is cosmhuil mo ghrádh ré poc, no
re cáirrfhíadh óg: féuch, feasuigh sé
táobh shíar dar mballaine, féuchuidh sé
amach air fhuinneóig,dhá tháisbeanadh
féin thríd an laitís.
10 Do labhair mo ghradh, agus a du-
bhairt sé riom; Eirigh súas a ghrádh,mo
áon bhreádha, agus tárr liomsa.
11 Oír féuch,do chuáidh an geimhreadh
thorainn, atá a nfearthuinn thorainn,
agus ar nimtheacht.
12 Taisbeanuid na blátha air an tta-
lamh,tháinig aimsir ceóil na néun, & do
chlos guth a nfearáin fonar ttíre.
13 Cuiridh an crann fige a fhígeadha
úra amach, agus na fíneamhna maille
ris an ccaóir mbig ag tabhairt bholaidh
maith úatha: éirigh, a ghrádh, mo áon
breágha,agus tárr uait.
14 O mo cholum atá a scoiltibh na
cairrge, a náitibh secréideacha na stai-
ghreadha, faicim do ghnúis, cluinim do
ghuth, óir is binn do ghuth, agus is
breágha do ghnúis.

15 Gabh dhúinn na sionnuigh, na sionnuigh bheaga mhillios na fíneamhná: óir atáid ciora beaga air ar bhfíneamhuin.
16 Is liomsa mo ghrádh, & is leis mé: do ní sé inghilt a measg na lileadh.
17 Nó go néirghidh an lá, agus go nimthigh an scáile: fill a ghrádh, agus bísse amhuil poc, nó mar cháirrfhiadh óg, ar shléibhtibh Béter.

CAIB. III.

Cathughadh & buáidh na Heaglaise, 6 & a madidheamh um Chríosd.

AN sa noidhche air mo leabuidh diarr mé an té ghrádhuighios manam; diarr mé, acht ní bhfuaras é.
2 Eireocad a nois, agus racha mé sa gcuáirt na caithreach annsna sráidibh, & annsna slighthibh sairsionga iarrsa me an te air a bhfuil grádh manma: diarrus é, acht ní bhfuair mé é.
3 Fuaradar an lucht faire do bhí timchioll na caithreach mé, ris an dubhairt mé, An bhfacamhair an té air a bhfuil grádh manma?
4 Is goirid do chuáidh mé úatha a núair fuair mé an té ghrádhuighios manam: do chonnuimh mé é, agus níor leig mé dhó imtheacht, nó go ttugas go tigh mo mhathar é, agus go seomra na mná do ghabh a mbroinn mé.
5 Cuirim dfiachaibh oruibh a inghean na Ierusalem, tre phocaibh agus tre eillitibh an mhachaire, gan mo ghrádh do chorughadh súas, nó a mhúsgládh, nó go madh toil leis féin.
6 Cía hé so thig as an bhfásach amhuil pileurbhibh deatuighe, deaghbholaidh le Mirr agus lé tuis, lé huile phúdar an cheannuighthe.
7 Féuch a leabuidh noch is le Solamh: atáid trí fichchid fear crodha na thimchioll do churadhuibh Israel.
8 Ataid cloidhmhthe aca uile, eolach a ccogadh: atá a chloidhiomh aig gach aonduine air a shliasaid tre eagla san noidhche.
9 Do rinne an Rígh Solamh dhó féin carbad dhodhbhuidh Lebanon.
10 Do rinne sé a philéir sin dairgiod, a íochtar dór, a fholach do phurpair, a lár ar na phábháil le grádh ar son inghean na Ierusalem.
11 Eirghidhe amach, a inghean na Sion, agus feuchaidh air an Rígh Solamh go na choróin lér choróinigh a mhathair é a ló a phósta, & a ló ghairdeachuis a chroidhe.

CAIB. IV.

Maise na ndaoine bheanas do Chríosd. 8. a ghrádh dhóibh, 16 & a nguidhe ar bhl deas na chomhne.

FEuch atá tú sgíamhach, a ghrádh, féuch atá tú breagha, atáid súile colum agad, ann do chíabhuibh: atá do ghruag amhuil tréud gabhar, noch do chithior ó shliabh Gilead.
2 Is cosmhuil th'fiacla ré tréud cíorach bhearrtha, a núair thigid a nios ó na nighe: a ndeiriónn gach aon díobh cúpla, agus nach bí áon cháora sheisg na measg.
3 Is cosmhuil do phuisíne ré snáithe scairléid, agus is deaghmhaiseach do chómhrádh: is cosmhuil do chamóg ara re píosa pomgranaid a sligh um do chiabhuibh.
4 Is cosmhuil do mhuineal ré tor Dháibhi do cuireadh súas don armail, air a mbí míle buicléir crochta, sgiatha dhaoíne neartmhara uile.
5 Is cosmhuil do dhá chích ré dhá phoc óga, atá na ccúpla, noch do ní inghilt a measg na lileadh.
6 No go néirghionn an lá, agus go tteithid na scáileadha rompa, racha mé go sléibhtibh an Mhirr, & go cnoc na túise.
7 Atá tú uile breagha, a ghrádh, ní bhfuil caidhe ar bith ionnad.
8 Tárr liom as Lebanon, a bhainchéile, liomsa as Lebanon: féuch ó mhullach Anána, ó mhullach Shenir, agus Hermon, ó úamhuibh na leomhan, ó shléibhtibh na leopard.
9 Déignidh tú mo chroidhe a dheirbhshiur, a bhainchéile; déignidh tú mo chroidhe le háon dot shúilibh, le háon slabhra dot mhuineul.
10 Créd é breaghachd do ghrádh, a dheirbhshiur, a bhainchéile: cíodh a mhéd is fearr do ghrádh ná fíon! agus bolaidh huinmeinte ná a nuile spíosraoh!
11 Silid do phuisíne, a bhainchéile, amhuil criathar meala: atá mil agus bainne faoí do theangaidh, agus bolaidh héaduigh mar bholadh Lebanon.
12 Is gáirdín ar na iadhadh mo dheirbhshiur, mo bhainchéile, tobar ar na dhrud súas, tiobruid air na séaladh.
13 Is ubhallghort pomgranat do phlannduighe, le tórthuibh maille, [illegible] maille re spíocnard.
14 Spíocnard agus cróch, calamus, agus cinamon, maille ris a nuile chrann túise, Mirr, agus aloes, maille ris a nuile spíosra toghtha.
15 Tobar na ngáirdíneadh, tobar uisgeadh mbeó, & srotha ó Lebanon.
16 Múscail, a ghaoth thuaigh, & tárr a ghaoth a neas, séid air mo ghairdín, chor go séideadh a spíosradh amach: tigeadh mo ghrádh chum a ghairdín, & itheadh sé a thortha taitneamhacha.

CAIB. V.

Cuireadh Chríosd, 2 Meirtniughadh na Heaglaise. 9 & Subhailceadha Chríosd.

ATáim ar tteacht dom ghairdín, a dheirbhshiur, a bhainchéile: do chruinnigh mé mo Mhirr, agus mo spíosradh; a duáidh mé mo chriathar meala maille re mo mhil, díbh mé mfíon lem bhainne: ithidh, a chairde, ibhidh, ibhidh fós go lór, a daos grádha.
2 Codlaim acht músgluidh mo chroidhe: sé guth mo ghrádhuigh bhuailios, [ag rádh] Oscuil damhsa mo dheirbhshiur, mo ghrádh, mo cholum, mo [neamhthruaillighthe]: óir atá mo cheann [líonta] do dhrúcht, agus mo chiabhu le [braonuibh] na hoidhche.

3 Do chuir mé mo chóta dhíom, [illegible] chuirfead orum é? dionnail mé [illegible] chosa, cionnus shaileochus mé iad.
4 Do chuir mo ghrádh a lámh a [illegible] a bpoll an doruis, agus do [illegible]gheadar minnighe ris.
5 [illegible] mé súas dosgladh dom [illegible], agus do shiliodar mo lámha le [illegible], agus mo mhéir lé Mirr deagh[illegible] ar bhacánuibh an ghlais.
6 Dosgail mé dom ghrádh, acht do [illegible] mo ghrádh é féin, agus do [illegible] sé; do mhainnigh mo chroidhe [illegible] do labhair sé: diarr mé é, acht [illegible] mé é; do ghoir mé air, acht [illegible] sé freagra orum.
7 [illegible] an lucht faire do chuáidh fa [illegible] na caithreach mé, do bhuáil[illegible] mé, do loiteadar mé; rugadar [illegible] coimhéada na mballadh folach [illegible] uáim.
8 [illegible] dúalach oruibh, a inghea[illegible], má gheibhthí mo ghrádh, [illegible] dhó go bhfuilimse tinn lé [illegible].
9 [illegible] é thfear grádhsa ní as mó [illegible] grádhach oile, ó thusa is breádh[illegible] a measg na mban? cred é thfear [illegible] ní sa mhó ná grádhach oile, [illegible] a cuireann tú an cúram sin or[illegible]?
10 Atá mo ghrádhsa geal agus [illegible], an té is fear beatuighe ar dheich [illegible].
11 Atá a cheann mar a nór is fínéul[illegible], atá a chíabha casda, agus dubh [illegible] a bhfiach.
12 Atáid a shúile mar shúilibh colaim [illegible] ris na sruthuibh uisge, ar na [illegible] le bainne, agus ar na suigheadh [illegible] ceart.
13 Atáid a ghruaidhe mar leabuidh [illegible], mar bhláithibh deaghbholaigh: [illegible] amhail lile ag silt mhirr [illegible].
14 Atáid a Lamha amhuil fáinnighe [illegible] ar na ccur ar Bherill: atá a bhrú [illegible] ibhorí loinnreach air na fhol[illegible] lé Saphiribh.
15 Atáid a chosa amhuil piléir mar[illegible] air na suigheadh air fhulangaibh [illegible]: a ghnúis amhuil Leba[illegible] oirdheirc mar na cédair.
16 Atá a bhéal ro mhilis, atá sé [illegible] amach grádhach: isé so mo [illegible], agus isé so mo chara, ó a [illegible] Jerusalem.

CAIB. VI.

[illegible], 4 Caingbhiollddha na Heagluise, 10 le grádh Chriosd.

C[illegible] háit a ndeachaidh thfear grádha, ó thusa a sgiamhcha a measg na [illegible]? cáit ar imthigh do ghrádh a [illegible]? chor go niarrfamaois é [illegible] riot.
2 Do chuáidh mo ghrádhsa síos dá [illegible], go leabuidh na spíosradh
dinghilt annsna gáirdínibh, agus do chruinniughadh lile.
3 Is le mo ghrádh misi, agus is liomsa mo ghrádh: atá sé dhá bhiathadh a measg na lileadh.
4 Atá tú sgiamhach ó mo ghrádh, amhail Tirsah, deaghmhaiseach amhuil Jerusalem: úathbhasach amhuil slúagh go mbratachaibh.
5 Iompoigh do shúil uáim, óir do sharuigheadar mé: atá do ghrúag amhuil spréidh ghabhar ag teachd ó Ghilead.
6 Atáid thfiacla amhuil tréud ciorach, noch théid súas ó na nighe, agá mbeirionn gach áon díobh cúpla, agus nach bí áon seasg eatorra.
7 Atáid do chamoga ara amhuil piosa do phomgranat taobh a stigh dot chiabhuibh.
8 Atá annsin trí fithchid bainríoghan, agus ceithre fithchid leannán, agus maighdiona gan áireamh.
9 Mo cholum, mo neamhthruaillighthe, is áon amháin í: isí inghean a mathar í, isí aon roghatha an tí rug í: do chonncadar na hinghena í, agus do bheannuigheadar í: do mhol fós na bainríoghna, agus na leannáin í.
10 Cia hí súd fhéuchus amach mar an maidin, breádhgha mar an ngealuidh: gléigheal mar an ngréin, & úathbhasach amhuil slúagh go mbratachaibh.
11 Do chuáidh mé síos a ngáirdín na ccnó, dféuchain toruidh an ghleanna, agus dféuchain an raibh a ssíneamhuin ag bláthughadh, agus na pomgranait ag sceinneadh amach.
12 Súil thug mé dom aire, do chuir m'anam mé air charbadaibh mo phobuil thoileamhuil.
13 Fill, fill, a Shulamiteach: fill, fill, chor go bhféuchum ort: cread do chífeadhe annsa Tsulamitigh: mar do bheidis cuideachda dhá shlúagh.

CAIB. VII.

Tiodhluicthe, 10 Creidimh, le fonn na Heagluise.

CRed é sgéimhe do chos go mbrógaibh, ó a inghean an phrionnsa: atáid ailt do lairgeadh amhuil séuda dobair lámh chéarda ghlic.
2 Is cosmhuil limliocán re cupán cruinn, air nach bí easbhaigh dighe: is cosmhuil do bholg le carn cruithneachda, ar na chur fa ccuairt le lilibh.
3 Is cosmhuil do dhá chich re dhá eilid atá na ccúpla.
4 Atá do bhrághad mar thor ibhori, do shúile cosmhuil re lochanuibh éisg ann Hesbon, láimh re geata Bhat-Rabbim: do shrón amhuil tor Lebanon, noch fhéuchus leath re Damascus.
5 Is cosmhuil do cheann ort re Carmel: agus is cosmhuil grúag do chinn re purpair: connaimhthear an Righ annsna rastuibh.

6 Cíodh a bhreágha, agus cred é a
ghlòrmhuire ataói chum aoibhnis, a
ghrádh!
7 Is coſmhuil hárrachdus ré crann
pailme, agus do chíche ré tríopaill
cáor.
8 A dubhairt mé, Racha mé ſúas gus
an ccrann pailme, béuruidh mé greim
air a ghéagaibh; ſos anois béid do
chíche mar thríopall don nfíneamhuin,
agus boladh do ſhróna mar ubhallaibh.
9 Agus carbad do bhéil coſmhuil ris
an bhfíon is féarr dom ghrádh, noch
théid ſíos go díreach, do bheir air na
puiſinibh bhíos na ccodladh, labhairt.
10 Is le mo ghrádh miſi, agus atá
a ſhonnſan chugamſa.
11 Tárr uáit, a ghrádh, déanam a-
mach ſan machaire; ſoſuighiom annſna
bailtibh.
12 Éirghiom go moch gus na fín-
eamhnuibh, féucham an bhfuil an fhín-
eamhuin ag bláthadh, an bhfuil an cháor
mháoth ag taisbeanadh, agus na pom-
granait ag ſcinneadh amach: annſin
do bhéara miſi mo ghrádh dhuit.
13 Do bhéirid na mandrága boladh,
agus ann ar ngeatadhuibh atá a nuile
ſhórt toruidh ſhóláſuigh, nuadh agus
ſean, noch do thaiſgidh mé fád chomh-
airſi, a ghrádh.

C A I B. VIII.

Grádh ſloechmhar na Heagluiſe do Chríoſd,
14 do na cineadhachaibh, 14 & a grío-
ſadh, ar é theacht gu luáth.

Is truagh nach tuſa mo dhearbhrathair
do dhiúil cíche mo mháthar, a nuáir
do gheabhuinn amúigh thú, do phògfuinn
thú; thairis ſin ní cuirfidhe a ttar-
cuiſne mé.
2 Do threórochuinn thú, agus do bhear-
uinn go tigh mo mhathar thú, noch do
mhúinfeadh mé; do bhéuruinn ort ól
dfíon mo ſpioſruidhe, do ſhúgh mo
phomgranat.
3 Do bhíadh a lámh chlé fám cheann,
agus do theannfádh a lámh dheas ris me.
4 Cuirim dúalach oruibh, a ingheana
Jeruſalem, gan a chorrughadh ſúas, agus
gan mo ghrádh do dhúſgadh nó go
madh toil leis.
5 Cía hí ſo thig a níos ón bhfáſach
ag luidhe air a grádh! do thóg mé
ſuas thú faói a nabhaill; annſin thug do
mháthair amach thú, annſin thug ſí
amach thú, noch do rug thú.
6 Cuir miſi mar ſhéala air do chroi-
dhe, mar ſhéala air do ruigh; óir is lái-
dir an grádh amhuil an bás, is ſíoch-
mhar an téud mar a nuáigh: is ſméar-
óide teineadh a ſmearóide ſin, agá
mbí laſair ro dhíbhfheirgeach.
7 Ni ſhéaduid mórán uiſgeadh an
grádh do mhúchadh, ní mó ſhéaduid
na tuilte a bháthadh: dá ttugadh duine
uile mhaóin a thighe ar ghrádh, do
díſbeagfuidhe é thrid amach.
8 Atá deirbhſhiur bheag aguinn, agus
ní bhfuilid cíche air bith aice: cred
dhéanam ar ſon ar ndeirbhſheathar,
annſa ló a laibhéorthar air a ſon?
9 Má bhíonn ſí na balla, do dhéanam
pálás airgid uirre: & má bhíonn ſí na
dorus, druidfiom í le borduibh cedair.
10 Atáim am bhalla, agus mo chíche
coſmhuil ré toruibh: annſin do bhí mé
iona ſhùilibhſion mar áon do fuáir fabhar.
11 Do bhí gárdha fíneamhna ag So-
lamh ann Baal-hamon, do ſhuighidh ſé an
gárdha fíneamhna do choimheaduibh;
do bhí ar gach aon díobh ar ſon a
thoruidh, míle pioſa airgid do thabhairt
leis.
12 Mo ghárdha fíneamhnaſa, noch is
liom féin, atá ſí as mo choinne: thuſa
a Sholuimh [caithfidh] tú míle dfaghail,
agus an mhuintir choimhéadás a tor-
adhſin, dhá chéad.
13 Thuſa áitreabhus annſna gárdinibh,
éiſdidh na companuigh red ghuth:
tabhair orumſa a chluinſion.
14 Déan deithnios, a Ghrádh, agus bí
coſmhuil re heilit, nó ré ſiadh óg ar
ſhliabh na ſpíoſradh.

LEABHAR AN FHAIDH ISAIAH.

CAIB. I.

Seanmóir ag fúagra leaſughadh beatha; ann
a bhfuil Suim an Dlighe & an tSoiſgeil.

Fís Iſaiah mhic Amos, noch do
chonnairc ſé a ttaobh Júdah agus
Jeruſalem a láethibh Uſſiah, Jotam,
Ahas, & Heſeciah, Righthe Júdah.
2 Cluinidh a ſhlaitheaſa, agus tabhair
éiſdeachd, a thaluimh: óir do labhair
an Tighearna, Do oil mé agus thóg mé
ſíne clann, agus do chathuigheadar am
aghaidh.
3 Aithnigh an damh an té le ar
leis é, agus an taſſal mainſéur a mhai-
ghiſdir: acht ní aithnighionn Iſrael,
ní ſmuainionn mo phobalſa.
4 Ah, a chineadh pheacach, pobal trom
lé héigceart, ſíol daóine mighníomh-
ach, clann atá na millteachaibh; do
thréigeadar an Tighearna; do bhro-
ſtuigheadar an táon náomhtha Iſrael
chum feirge, do imthigheadar rompa
ar a ccúl.
5 Cred as a mbuailfidhe ſibh ní ſa
mhó? fillfidhe niſa mhó agus ní ſa
mhó: atá an ceann uile tinn, agus an
croidhe iomlán lag.
6 O bhonn na troighthe go nuige an
gceann, ní bhfuil ſláinte ar bith ann,
achd cneadha, agus brúighte, agus cré-
achda

[illegible] : níor druideadh, agus
[illegible] ſúas, ni mo do bogadh
[illegible] iad.
7 Atá bhur ndúthaigh aonránach :
atá bhur gcaithreacha ar na loſgadh
[illegible] : millid coimhthighthidh bhur
[illegible] ionbhur lathair, agus atá ſé na
[illegible] ar na chláoidh lé coimhighthea-
[illegible].
8 Agus atá inghean Shión ar na ḟág-
[illegible] amhuil bothan a bhfineamhuin,
[illegible] a ngáirdín chucumer ; mar
[illegible] ſa mbiath campa.
9 Acht muna fhágbhadh Tighearna
na ſlógh ro bheagán ſuighill againn ;
do bheithmis mar Shodom, agus do
[illegible] coſmhuil ré Gomorrah.
10 Eiſtigh briathar an Tighearna, a
[illegible] Shodoim: tugaidh cluas do
[illegible] Dé, a dhaoine Ghomor-
[illegible].
11 Cred é tarbha bhur niomad íodh-
[illegible] dhamhſa? do ráidh an Tigh-
[illegible]: atáim lan dofráluibh loiſge rei-
[illegible], agus do mhéuthus beathach
[illegible]: agus ni dhúilighim a bhfuil
[illegible], nó úan, nó ghabhar bhfirionn.
12 A nuáir thiocfuidhe da bhur ttaiſ-
[illegible] fein dom lathairſi : cia diarr
[illegible] a bhur lámhuibh do ſhaltairt mo
[illegible]?
13 Ní tugaidh ní is mó dofráluibh
[illegible] libh: is adhfhúathmhair-
[illegible] damhſa túis ; na gealacha nú-
[illegible] agus na ſabbóidigh do ghairm na
[illegible], ní fhéaduim a bhfulang,
[illegible] é, eadhon an comhchruinniu-
[illegible] ſlamonta.
14 Dfúathuigh manam bhur ngeala-
[illegible] agus bhur bhféaſtadha
[illegible]: is buáidhreadh dhamh iad :
[illegible] cuirthe dá niomchar.
15 Agus a nuáir leathnuighthe bhur
[illegible] amach, foileochuidh mé mo ſhúile
[illegible]: fós a nuáir do dhéantaói mórán
[illegible], ni éiſtfidh miſi : ataid bhur
[illegible] lan dfuil.
16 Ionnluidh ſibh féin, glanuidh ſibh
[illegible], cuiridh uáibh olc bhur ngníomh as
[illegible] radharc, ſguiridh do dhéanamh uilc,
17 Foghlamuigh maith do dhéanamh,
[illegible] breitheamhnus, cobhruighidh
[illegible], breathnuighidh an dílleachda,
[illegible] ar ſon na baintreabhuigh.
18 Tigidh anois agus déanum réu-
[illegible] re chéile ; a deir an Tighearna :
[illegible] go bhfuilid bhur bpeacaidhe amhuil
[illegible], béid ſiad coimhgheal ré
[illegible] : mátá go bhfuilid dearg mar
[illegible], béid ſiad amhuil olann.
19 Má bhíthí umhal urramach : íoſ-
[illegible] maith na dúithche.
20 Acht má dhiultaói agus má théigh-
[illegible] a rís a ccogadh, muirfighear leis
[illegible] ccloidhiomh ſibh : óir a dubhairt
[illegible] an Tighearna é.
21 Cionnus do rinneadh meirdreach
[illegible] chathruigh chreidmhigh ? do bhí
ſí lán do bhreitheamhnus, do chomh-
nuigheadh an tionnracus innte ; acht
a nois na dúnmharbhthuigh.
22 Do rinneadh ſal dot airgiod,
atá thſion camaiſce le huiſce.
23 Ataid do phrionnſadha cogthach,
agus na ccompanachaibh ag gaduigh-
thibh : is ionmhuin le gach uile dhuine
cumha, agus imthighid a ndiáigh na
luáigheacht : ní bhreathnuighid an díl-
leachda, agus ní thig cúis na bain-
treabhuigh chuca.
24 Uimeſin a deir an Tighearna,
Tighearna na ſlógh, áon cumhachdach
Iſrael : Ah, ſuáimhneochad mé féin ém
eaſccáirdibh, agus digheolad mé féin
ar mo naimhde.
25 Agus fillfidh mé mo lámh ortſa,
agus glanſa mé go gléaghlan do ſhal-
char uáit, agus béaruidh mé do ſtán
uile aſad.
26 Agus aiſigſe mé do bhreitheamh-
ain mar an ccéad uáir, agus do chomh-
airleacha amhuil ar ttús : na dhiáigh
ſin goirfighear dhiot cathair a nionn-
racuis, an chathair fhírinneach.
27 Fuáiſgeoltar Sion le breitheamh-
nus, agus an drong fhilleas lé fírean-
tacht.
28 Agus biáidh díoth-laithriughadh na
ſaruightheach agus na bpeacach a néin-
fheachd, agus an drong thréigios an
Tighearna ſcriosſuighthear iad.
29 Oir biáidh náire orra ſa na
dairibh diarrabhair, agus nuigheoch-
thar ſibh fa na gáirdínibh do thogha-
bhair.
30 Oír beithi mar dharuigh ar chríon
a duille, agus mar gháirdín ag nach
bí uiſge.
31 Agus biáidh an neartmhar mar
bharrach, agus a obair mar dhrithlinn ;
agus dóighfid aráon a bhfochair a chéile,
agus ní mhúchfuidh éinneach iad.

C A I B. II.

Glóir na Heagluiſe ré linn na Tiomna Nuáidh.

AN focal do chonairc Iſaiah mhac
Amos a ttaobh Iúdah agus Ieruſa-
lem.
2 Agus tiucfa a ccrích annſna láethibh
deighionacha ; go ndaingneochthar ſli-
abh thighe an Tighearna a mullaigh
na ſliabh, agus go ttóigfear ós ccionn
na ccnoc é, agus rithfidh a nuile chin-
eadh chuige.
3 Agus rachaid mórán do dhaóinibh,
agus a déaruid : Tigidh uáibh, agus
déanom ſuas go ſliabh an Tighearna,
go tigh Dé Iacob, agus múinfidh ſé
dháinn a ſhlighthe, agus ſiubholam iona
chaſanuibh : óir is amach as Sion rachus
an dligheadh, agus focal an Tighearna
as Ieruſalem.
4 Agus breathnochuigh ſé a meaſg na
ccineadhach, agus aithbheoruidh mórán
do dhaoinibh : agus buailfid a ccloidhmh-

the na ſuic ſheiſrighe, agus a ngáethe na
ſpealuibh : ní thoigſe críoch cloidhiomh
ſúas a naghaidh chriche : agus ní fhogh-
lumſuid cogadh ní as mó.
5 O a thigh Jácob tigidh, agus ſiubh-
luighiom a ſolus an Tighearna.
6 Uimeſin do thréig tú do phobal, tigh
Jácob, do chionn go bhfuilid ſiad líonta
[do bhéuſuibh] a noirthir, agus na
luchd fáiſtine coſmhuil ris na Philiſti-
neachaibh, agus go líonuid do chloinn
na ccoimhthigheach.
7 Atá a ndúithche mar an ccéadna
lán dairgiod agus dór, agus ní bhfuil
críoch ar a nionnmhus : atá a ndúithche
mar an ccéadna lán deachaibh, agus
ní bhfuil críoch ar a ccarbaduibh.
8 Atá a ndúithche mar an ccéadna
lán díodhaluibh : adhruid oibreacha a
lámh féin, an ní do rinneadar a méir
féin.
9 Agus cláonuidh an duine uiriosal
fíos, agus umhluigh an duine mór é
féin : uimeſin ná maith dóibh.
10 Eírigh a ſteach don charruic, agus
foluigh thú féin annſa luáithreadh ar
eagla an Tighearna, agus ar ſon ghlóire
a mhórdhachda.
11 Uimhleochthar féachuin árd an
duine, agus cromſuighear fíos uáill na
ndaoine : agus ſé an Tighearna amháin
áirdeochar an lá ſin.
12 Oír biáidh lá Thighearna na ſlógh
ar gach uile dhuine dá bhfuil uaibh-
reach árd, agus ar gach áon thógthar
ſúas, agus do bearluighthear fíos é.
13 Agus ar uile chédaruibh Leba-
non, atá árd agus tógta ſúas, agus
ar uile dhairibh Báſan,
14 Agus ar na huile ſhléibhtibh ár-
da, agus ar na huile chnocaibh do
hárduigheadh ſúas,
15 Agus ar gach éantor árd, agus ar
gach áon bhalla daingean,
16 Agus ar loingeas Tharſis uile,
agus ar a nuile phictiúr taitneamhach.
17 Agus cláonſuighear uáill an duine
fíos, agus do dhéantar anuáill an duine
íſiol : agus ſé an Tighearna amháin áir-
deochthar an láſin.
18 Agus ſcriosfuidh ſé na hiodhail
thríd amach.
19 Agus rachaid ſíad a ccúaſuibh
na ccarrac, agus a núamhuibh na
talmhan ar eagla an Tighearna, agus
ar ſon ghlóire a mhórdhachta, a nuair
éireochus ſé do chrothadh na talmhan
go húathbhaſach.
20 Ann ſa ló ſin teilgſidh duine a
iodhuil airgid agas a iodhail óir, noch
do rinne dhó féin dá nadhradh, chum
na mobhladh agus chum na níoltóg
leathair :
21 Do dhul a ſcealpuibh na gcarrac,
agus a mullaghaibh na gcairgeach
ngarbh, ar eagla an Tighearna, agus
ar ſon ghlóire a mhórdhachda, a nuáir
éireochus ſé do chrothadh na talmhan
go húathbháſach.
22 Scuiridhſi ón duine agá bhfuil a
anál iona pholláiribh : óir cred fa ndlig-
choír meas do bheith air?

C A I B. III.

Smacht, 5 arſon diabhar na ndóigfear, 16 Uáill & ancaitheamh na mban.

OIr féuch, beiridh an Tighearna, Ti-
ghearna na ſlógh, ó Jeruſálem agus
ó Júdah, an fulang agus an bata,
cothughadh iomlán a naráin, agus co-
thughadh iomlán a nuiſge.
2 An duine láidir, agus an fear co-
gaidh, an breitheamh agus an fáidh,
an glic, agus an ſean,
3 An caiptín caogaid, agus an duine
onórach, an comhairleach, agus an
ceárd foghlomtha, agus an deagh-
bharthach.
4 Agus do bhéara mé leinibh do
mbeith na núachdaranuibh orra, agus
ríaghlochuid naóidhin ós a cciónn.
5 Agus béid na daoine da ccrádh,
gach áon ó aroile, agus gach áon ó na
chomharſuin : iomchoruidh an leanabh é
féin go huáibhreach a naghaidh an tſean-
ſir, & an tuiríſiol a nagbaidh a nonóraigh.
6 A nuáir bhéaras duine greim ar a
bhrathair, do thigh a athar, [ga rádh] Atá
éadach agadſa, bí ad úachdarán orrainn,
agus bíodh an díth ſineſi fad láimh.
7 Annſa ló ſin do bhéara a mhionn,
dha rádh, ní bhía mé am fhear leighis
óir ní bhfuil bíadh no éadach ann mo
thigh ; ná déanuidh úachdarán díom
ar an bphobal.
8 Oír do ſgrioſadh Jeruſálem, agus
do thuit Júdah, do chionn go bhfuil a
tteanga agus a ngníomha a naghaidh an
Tighearna, dſadógh ſa ſhúilibh a ghlóire.
9 Do ní taisbeanadh a ngnúiſe fia-
nuiſe na naghaidh, agus foillſighid a
bpeacadh amhuil Sodom, ní fholchuid
ſíad é : a mhairg dá nanam, óir do
chúitigheadar olc riu féin.
10 Abruidh ris an bhfiréun, Go mbe-
ithior go maith aige : óir iosfuid ſíad
toradh a ngníomh.
11 A mhairg don chiontach : óir is
olc bheithior aigeſion ; óir do bhéar-
thar lúach ſaothair a lámh féin dó.
12 Ar ſon mo pobailſi, is leinibh do
ní leathtrom orra, agus mná ríaghlaigh-
ios ós a ccionn : ó mo phobal, cuirid an
drong thréoruighios tú, dſeachaibh ar
ſeachrán, agus millid ſlighe do chaſáin.
13 Seaſuidh an Tighearna ſúas do
thagra, agus ſeaſuidh do bhreathnughadh
an phobail.
14 Rachaidh an Tighearna chum
breitheamhnuis re ſinnſioruibh a phobail,
agus ré na bprionnſadhuibh : óir a dui-
bhair ſúas a nfíneamhuin, agus atá
éadáil na mbochd ann bhur ttighthibh.
15 Cred é bhur cciall as a mbrigh-
tighe mó dhaóine na bpíoſuibh, agus
a meiltúghe aighthe na mbocht? ar an
Tighearna Día na ſlógh?

16 Tuilleadh

16 [illegible] oile, a deir an Tigh-
[illegible]; do chionn go bhfuilid ingheana
[illegible] uallach, agus go ſiubhluighid lé
[illegible] ſínte amach, agus le ſúilibh
[illegible], ag imtheachd agus ag
[illegible] mar imthighid, agus ag déa-
[illegible] ſeáime le na ccoſuibh ;
17 Uimeſin buáilfidh an Tighearna lé
[illegible] mullach cheann inghean Sion,
[illegible] Dia a mballa foluighthe
[illegible]
18 Annſa lá ſin béaruidh an Tigh-
[illegible] as, breighachd a cculadh bhfu-
[illegible], agus a noibreacha líonruidh,
[illegible] cruinne coſmhuil ris an
[illegible],
19 Na ſlabhruidhe, agus na bráiſléid,
[illegible] na muiſléid,
20 Na bainéid, agus coisbheart na
[illegible], agus na cinnbheirte, agus na tai-
[illegible], agus na clúasfáinnidhe,
21 Na fáinnidhe agus ſeóid na
[illegible],
22 Na culaidheacha malairteacha éa-
[illegible], na fallaingeacha, agus na faileid
[illegible] na ſparáin,
23 Na ſgatháin agus an línéadach
[illegible], agus na húduighe, agus na
[illegible].
24 Agus tiucfa a ccrích, ar ſon an
[illegible] mhaith, go mbía bréantas; agus
[illegible] an chreaſa, go mbía réubadh ;
[illegible] áit na gruáige cóirighthe, ma-
[illegible]: agus a náit a nuchtaigh, crio-
[illegible] ſocéaduigh : agus loſgadh a
[illegible] ſgéimhe.
25 Tuitfid do dhaoine leis an ccloidh-
[illegible] do neartmhair annſa chogadh.
26 Agus caóinfid agus guilfid a gea-
[illegible], agus ar mbeith dhi folamh
[illegible] ſí air an ttalamh.

CAIB. IV.

[illegible] ttreidhamh, no righeacht Chrioſd, [illegible], ó ſeaſmhach.

AGus annſa ló ſin greamochuid móir-
[illegible] ban déinfhear amháin,
[illegible]: Ióſam ar narán féin, agus
[illegible] ar néadach féin : amhain
[illegible] ad ainmſi ſinn, do chur
[illegible] dhínn.
2 Annſa ló ſin bíaidh beangan an Ti-
[illegible] ſgíamhach glórmhar, agus biaidh
[illegible] na talmhan oirdheirc, agus cu-
[illegible] don mhéid rachus as do Iſrael.
3 Agus tiucfa a ccrích, an té fúig-
[illegible] a Sion, agus an té fhanfas ann
[illegible], go ngoirfighear náomhtha
[illegible], eadhon gach neach atá ſcríobhtha
[illegible] na mbéo ann Jeruſalem.
4 An tan nighfios an Tighearna tru-
[illegible] inghean Sion, agus ghlanfas fuil
[illegible] as a lár, le ſpioraid an
[illegible] agus le ſpioraid an
[illegible].
5 Agus cruthochuigh an Tighearna ar
[illegible] ionáit chomhnuighe do Shion, agus
[illegible] a hoireachduſuibh, néull agus céo ſan
ló, agus loinnreadh teineadh laſamhla
ſan noidhche: óir biaidh cumhdach ar
an nglóir uile.
6 Agus biáidh taberancuil ann mar
ſgáile ón teas a naimſir an láe, agus
mar áit didin agus mar fholach ón
ſtoirm agus ó nfearthuinn.

CAIB. V.

Dúan Iſaiah ataobh na fineamhna ſpioradalta.

CAnfad a nois dom fhiorghradh-
ach caintic mo ghrádh a ttaobh a
fhíneamhna: atá fineamhuin ag mo
ghrádh a ccnoc ro thóirtheach.
2 Agus do chumhdaigh ſé í, agus do
chruinnigh ſé na clocha aiſte amach, agus
do phlannduigh ſé í le togha na fí-
neamhna, agus do rinne tor iona lár,
agus mar an ccéadna do rinne umar
bhráighte fíona innte: agus do bhí ſúil
aige go ttiubhradh ſí cáora úaithe, agus
thug ſí uáith cáora fíadháin.
3 Agus anois, a áitreabhthacha Je-
ruſalem agus a dhaoine Júdah, guidhim
ſibh, déanaidh breitheamhnus eadrum
féin agus mfíneamhuin.
4 Créd dob fhéidir do dhéanamh
ní as mó rem fhíneamhuin, ná mar
do rinne mé? air a nadhbhar ſin a
nuáir do ſhaóil mé go ttiubradh ſí
cáora, cred fá ttug ſí cáora fiadháin
uáithe?
5 Agus anois, inneoſa mé dhuit ciodh
do dhéan rem fhíneamhuin: bainfidh
mé a fál uáithe, agus íoſtar ſíos í, agus
briſfe mé ſíos a balla, agus ſailteor-
thar uirre.
6 Agus do dhéana mé fáſach dhí:
ní dheiſeochthar agus ní rómharthar
í; acht faſaidh a níos driſe agus do-
ſáin: agus fós fúaigeora mé do na
néulluibh go nach bhfearfaid fear-
thuinn uirre.
7 Oír iſé tigh Iſrael fíneamhuin Thi-
ghearna na ſlógh, agus fir Júdah a
phlannda glórmhar: agus do bhí a ſhúil
ré breitheamhnus, achd féuch an leath-
trom; re hionnracus, achd féuch an
chomhaire.
8 A mhairg don druing cheanglas tigh
do thigh, agus chuirios machaire a
ccionn mhachaire, go nach bí áit, chor
go ſuigheochthaói ar leith iad a lár na
talmhan.
9 Ann mo chlúaſuibh a dubhairt Tigh-
earna na ſlógh, go fírinnioch béid mó-
ran tightheadh na bhfáſach, [tighthe]
móra agus breágha gan áitreabhach.
10 Fós do bhéaruid deich nacra
fíneamhna áoinmhioſúr amhain; agus
ſíol homer do bhéara ſé ephah úadh.
11 A mhairg don lucht éirghios go
moch ar maidin, chor go leanfaidís ar
dhigh láidir, noch fhanus go hoidhche;
nó go laſann an fíon a ſligh iad.
12 Agus a mbí an chláirſeach agus
an bhiol agus an tiompán, agus an piob
& an fíon ar a bhféuſuibh; ach ní mhea-
ſuid oibreacha an Tighearna, & ní fhaic-
id oibriughadh a lámh. 13 Uime-

13 Uimesin do chúadár mo dhaoine a
mbruid: do chionn nach bhfúil éolus ar
bith aca: agus chúadar a ndaoine óno-
racha do ghorta, agus a sluagh ar ttiur-
mughadh lé tart.
14 Uime sin dfairsingidh ifrionn é
féin, agus dfoscuil a bhéul go romhór
agus rachaidh a nglóirsion agus a nioma-
damhlachd, agus a nainmheas agus an
té lúathghháirios, síos ann.
15 Agus béarthar an duine uirísiol
sios: agus ísleochthar an duine cuma-
sach, agus uimhleochthar súile an duine
áirdintinnigh.
16 Acht áirdeochthar Tighearna na
slógh a mbreitheamhnus, agus Día atá
nomhtha, naomhthochthar é a nionnracus.
17 Annsin dhéanuid na huain inghilt
do réir a ccleachdaidh: & íosuid coimh-
thighidh áite fásuigh na náon méith.
18 A mhairg don druing thairngís
an téigceart le córduibh an díomhaoi-
nios, agus an peacadh mar do bhíath
le rópuibh cartach;
19 Noch a deir, Déanadh sé deith-
nios, & lúathuigheadh ar a obair, chor
go bhfaicfeam: agus tairngeadh comh-
áirle aóin naomhtha Israel a ccomhfho-
gus, chor go mbía a fhios aguinn.
20 A mhairg don druing ghoireas
don nolc maith, agus don mhaith olc,
agus chuirios dorchadas ar son soluis,
agus solus ar son dórchadais, agus chuirios
searbhus ar son millsi, agus millse ar
son searblais.
21 A mhairg don lucht bhios glic iona
súilibh féin; & críonna iona radharc féin.
22 A mhairg don mhuintir bhíos ac-
fuinneach ar ól fíona, & do na daóinibh
neartmhara air dhich láidir do chumasg.
23 Noch fhúagras an ciontach ceart
áir cheannach, agus bheirios ionnracus a
nfiréin úadh.
24 Uime sin mar loisgios an teine
an connlach, agus mar loisgios an lasair
an cáithleach: marsin bhías a bhfréumh
mar lobhadh: agus rachaid a mblátha
súas amhuil luáithreadh: do chionn gur
theilgiodar úatha dligheadh Thighearna
na slógh, agus gur tharcuisnigheadar
briathar aóin náomhtha Israel.
25 Uimesin atá fearg an Tighearna
ar naghnadh a naghaidh a phobail, agus
do shín sé a lámh amach na naghaidh, &
do bhuail sé íad: agus do chriothnuighea-
dar na cnuic, agus do bhí a cconablui-
dhe réubtha annsna sráidibh: ar a
shon so uile níor iompoigh sé a fhearg
dhíobh, acht atá a lámh sínte amach a
ccomhnuidhe.
26 Agus tóigfidh sé bratach súas do
na cinneadhachaibh a nimchian, agus do
dhéana feadalach orra ó bhrúach an
domhuin; agus féuch, tiucfuid maille re
deithnios go tapuidh.
27 Ni bhía áonduine coirthe, agus
ni bhfuighe áonduine tuisleadh na measg,
ni thaimhnéullfuidh, & ní choideoluidh
sé: ní mó scaóilfighear crios a shliasad,
agus ni brisfighear íallach a bhróg.
28 Noch ar géar a shoighde, agus a
bhoghaidh uile tairngthe: saoilfighear
buinn a each uile do bheith na ccarraig
chloich, agus a roithléan amhuil gaoith
ghuairdeáin:
29 Bíaidh a núallghul amhuil leomhan,
nuallfuidh sé amhuil leomhanuibh óga:
nú allfuidh fós & greamochuidh air an
ccreich, agus béaruidh leis slán é, agus
nî shháorfuidh aóinneach é.
30 Agus annsa lósin conghairfid na
aghaidh amhuil confadh na fairge: agus
má fhéuchann aon ar an ttír, feuch dor-
chadas agus dóbron, agus dorchuigh-
thear a solus sin annsna neamhuibh.

CAIB. VI.

*Priomh-admhail na nSeraphinigh ar naomh-
thachd na Trionnoide.*

ANnsa bhliadhain a bhfuáir Rígh Uzziah
bás, do chonairc mé an Tighearna na
shuighe a ccàthaóir ríogha go hárd, agus
ar na thógbháil súas, agus do líonadar
a luchd leanamhna an teampall.
2 Os a chionn shúas do sheasadar na
seraphinigh: do bhí sé sciatháin ar gach
aon díobh: le cúpla dfoluigh sé a aghaidh,
agus lé cúpla dfoluigh sé a chosa, agus
lé cúpla do eitil sé.
3 Agus do ghoir aon ar oile, & a dubh-
radar: Is naomhtha, náomhtha, naomh-
tha, Tighearna na slógh; atá an ta-
lamh uile líonta da ghlóir;
4 Agus do chorruigheadar ursana
an doruis le guth an té do labhair, agus
do líonadh an tigh le deatuigh.
5 Annsin a dubhairt misi, a mhairg dhamh-
sa, óir atáim millte: do chionn gur
do bhéul neamhghlan mé, & go nái-
bhuim a measg daoine bhéul neamhghlan:
óir do chonncadar mo shúile an Rígh,
Tighearna na slógh.
6 Annsin do eitil aon do na seraphinibh
chugam, & smearóid dhearg iona láimh
noch do bhean sé leis a niolghaibh, don
naltóir.
7 Agus do chuir sé air mo bhéulsa í,
agus a dubhairt, Féuch do bhean so rê
phuisinibh, agus rugadh héaigceart uait,
agus do ghlanadh do pheacuidh.
8 Mar an ccéadna do chúalaidh mé guth
an Tighearna. gha rádh, Cía chuirfeas mé
[uaim] & cía rachus air ar son? annsin a
dubhairt misi, atáimse annso, cúir misi uait.
9 Agus a dubhairt seision, Eirigh agus
innis don phobalsa: éisdigh go deimhin
achd ná tuigidh; agus faicidh go
dearbhtha, acht ná mothuighidh.
10 Déana croidhe na ndaóinesi méith,
& déana a cclúasa trom, & druid a súile;
deagla go bhfaicfidis le na súilibh, agus
go ccluinfidis lé na cclúasaibh, agus
go ttuigfidis lé na ccroidhe, agus go
bhfillfidis, agus go mbéidís slán.
11 Annsin a dubhairt misi, a Thigh-
earna, ga fad? agus do fhreagair seision,
nó go bhfásuighthear na caithreacha gan
áitreabhach, agus go mbía an talamh
thríd amach na fhásach.
12 Agus

12 Agus go ndíthruigh an Tighearna,
daoine a nimchian, agus go mbia tréi-
gean mór a lár na críche.
13 Gidheadh biáidh deachmhadh ann,
agus filfidh & iosfar é; mar budh crann
teile & daruigh, a mbia a mbrígh ionn-
ta, a nuair theilgid a nduille; marsin
is síol níomhtha bhus substaint dó sin.

CAIB. VII.

Do beir maighdion mac, I. Immanuel.

AGus tárla a laethibh Ahas mhic Iótam,
mhic Uffiah, Rígh Júdah, go ndea-
chaidh Résin Rígh na Siria, agus Pecah
mac Remaliah Rígh Israel, leath re Hie-
rusalem do chogadh na haghaidh, & níor
fhéadadar buadhughadh uirre.
2 Agus do hinnsեadh sin do thigh Dháibhi
ag rádh, Atá Síria ceangailte re Hephraim.
Agus do corruigheadh a chroidhe, agus
croidhe a phobail, mar chorruighthear
crainn na coilleadh leis an ngaoith.
3 Annsin a dubhairt an Tighearna re
Hésaiah, Eirigh amach do theagmháil re A-
has féin & Seur-Jasub do mhac, ag ce-
ann tsruide an locháin úachdaruigh, a
slighe mhóir mhachaire a núcaire.
4 Agus abair ris, Haire dhuit, & bí su-
aimhneach; ná biodh eagla ort, & ná bí
lagchroidhtheach, ar son dhá earball an
dá aithinne deatuighsi, ar son feirge Resin
maille re Síria agus mac Remaliah.
5 Do chionn gur ghabh Síria, Ephra-
im, & mac Remaliah, drochchomairle
ad haghaidh, dha rádh,
6 Déanam súas a naghaidh Júdah, agus
buaidhreom íad, agus déanam bri-
seadh innte dhúinn, agus suighiom
rígh iona lár, mac Tabeal.
7 Is marso a deir an Tighearna Día,
Ní sheasa sé, ní mo thiucfa sé a ccrích.
8 Oír isé Damascus ceann na Síria,
agus ceann Dhamascus Resin: agus
fós a sligh do thrí fithchid agus do
chúig bhliadhna, brisfighear Ephraim,
ar nach bía pobal ann.
9 Agus Samária ceann Ephraim, & ceann
Shamária mac Remaliah: muna ccreidthí,
go deimhin ní daingneochthar sibh.
10 Tuilleamh oile, do labhair an Ti-
ghearna re Hahas, gha rádh:
11 Iarr comhartha ar do Thighearna
Día, iarr é ann san doimhne shíos, nó
ann san áirde shúas.
12 Agus dubhairt Ahas, Ní iarrfad, & ní
chuirfead cathughadh air an Tighearna.
13 Agus a dubhairt seision: Eistigh
anois, ó thigh Dháibhi, An beag a-
raibh daoine do chur, achd an ccuirfe
sibh mo Dhia mar an ccéadna?
14 Uimesin do bhéara an Tighearna
féin comhartha dhíbh: Féuchaidh, toirr-
cheochar maighdion, agus béaraidh sí
mac & goirfidh Immanuel dainm dhe.
15 Im & mil iosfuidh se, chor go madh fios
dó olc do sheachna, & maith do thogha.
16 Oir fuil bhias a fhios ag an lea-
nabh olc do dhiúltadh agus maith
do thogha; an fearann fhúathuighios
sibhsi, tréigfighear ó na dhá Rígh é.
17 Do bhéara an Tighearna ortsa, &
ar do dhaóinibh, & ar thigh haithreadh,
láethe nach dtáinic fós, ón ló ár fhág
Ephraim Júdah, tre Rígh na Hassiria.
18 Agus tiucfa a ccrích san ló sin,
go sméidfidh an Tighearna ar an mí-
oltóig atá ansa chuid is faide amach
daibhnibh na Hégipte, agus ar an mbeich
atá a ttír na Hassiria.
19 Agus tiucfuidh siad, agus coimhneo-
chuid uile annsna gleantaibh uáigneacha,
agus a bpollaibh na ccarrag, agus ar a
nuile dhosan, agus ar a nuile chraóibh.
20 Annsa ló chéadna sin béarrfuidh
an Tighearna le scín bhéarrtha thuar-
usdail, ón táobh thall dabhuinn, le
Rígh na Hassiria, an ceann agus
fionnadh na ccos; agus lomfuidh a
nféasóg mar an ccéadna.
21 Agus tiucfa a ccrich annsa ló
sin, gó noilfidh duine mart óg, agus
dhá chaóirigh:
22 Agus tiucfa a ccrích ar luchdmhaire
an bhainne do bhéaruid úatha go nío-
sa seision im: óir íosa gach aonduine dá
bhfúigfighear annsa dúthaigh im & mil.
23 Agus tiucfa a ccrích annsa ló sin,
gach uile áit a rabhadar míle fíneamh-
uin ar mhíle [píosa] airgid, go mbia
sé mar dhreasóig, agus mar dhosán.
24 Le soighdibh, agus le boghaibh
tiucfaid daóine annsin; do chionn go
ttiucfaidh an dúithche uile chum dreasa
agus chum dosan.
25 Agus ar a nuile chnoc rómhar-
thar le láighe, ní thiucfa ann sin eagla
dreas no dosan: acht bía mar áit a
ccuirfighear daimh amach, agus a fail-
teoruigh mionáirnéis.

CAIB. VIII.

Sàrughadh Israel, 5 & Judah, arson a a michreideamh.

TUilleamh oile a dubhairt an Ti-
ghearna riomsa: Glac chugad
rolla mór, agus scríobh ann lé peann
duine; Ag deifriughadh na héadála,
do brostuigh sé an chreach.
2 Agus do ghlac mé chugam fiadh-
nuisigh fírinneacha do chuimhniughadh,
Uriah an sagart, agus Sechariah mhac
Ieberechiah.
3 Agus do chuaidh mé gus an mban-
fháidh, agus do toirrcheadh í, agus rug
sí mac; annsin a dubhairt an Tighearna
riomsa, tabhair dainm air, Re deifriugh-
adh na héadála do bhrostuigh sé an
chreach.
4 Oir fuil bhias éolus ag an leanabh
gairm, Máthair agus mo mhathair, béar-
thar saidhbhrios Dhamascus agus éadáil
Shamáriah ar siubhal roimhe Rígh na
Hassiria.
5 Do labhair an Tighearna riomsa a
rís mar an ccéadna, dha rádh,
6 Do bhrígh gur dhiultadar na
daóinesi uisgeadha Shiloah ghluaisios
go

go socair, go ngáirdighid ann Resin,
agus ann a mac Remaliah:
7 Anois uimesin féuch, do bheir Día
súas orra uisgeadha na habhanna, láidir
agus iomadamhuil: eadhon Rígh na
Hassiria, agus a ghlóir uile: agus tiuc-
fa a níos tar a ngrinnealuibh uile, tuil-
eocha sé tar na brúachaibh.
8 Agus rachaidh sé thríd Júdah, tul-
leochaidh sé agus rachaidh thairis, roich-
fidh sé go nuige an muinéul, agus líon-
fuidh leathnughadh a sciathán amach
leithead do dhúithchesi, ó Immanuel.
9 Cruinnighidh sibh féin, a phobal,
agus brisfighthear sibh a mblodhuibh:
agus tugaidh éisteachd, sibhse uile as
criochaibh imchiana: criosluighidh sibh
féin, brisfighthear a mblodhuibh sibh:
criosluighidh sibh féin, agus brisfighthear
sibh a bpiosuibh.
10 Gabhuidh combairle re chéile,
agus ní bhía brígh ann: abraidh an
focal, agus ní sheasfuidh sé: óir atá
Día linne.
11 Oír do labhair an Tighearna mar-
so riomsa lé láimh láidir, agus do thea-
gaisg mé gan siubhal a slighe an
phobailsi, gha rádh;
12 Na habraidh si osadh re gach a
naibeoruidh an pobalso osadh; agus ná
bíodh eagla a neaglasan oruibhsi, agus
ná bíthí úamhnach.
13 Náomhuidh Tighearna na slógh
féin, agus bíth bhur neagla annsan, agus
go madh hé sin bhur nimeagla.
14 Agus biáidh seision mar shanc-
tora: achd mar chloich thuisligh, agus
mar charraig oilbhéime do dhá thigh
Israel, mar phaintér, agus mar líon
do dhúthchusuibh Jerusalem.
15 Agus oilbhéimfid mórán na measg,
agus tuitfid, agus béid briste, agus béid
gabhtha, agus béid a láimh.
16 Ceangail súas a nfíadhnuise,
séuluidh an dligheadh a measg mo
dheisciobal.
17 Agus feithfidh misi ar an Ttigh-
earna noch fholchus a ghnùis ar thigh
Jácob, agus biáidh súil agam ris.
18 Féuch, misi agus an chlann thug
Día dhamh, atámaóid mar chomhar-
thaibh, agus mar iongántaibh ann Isra-
el; ó Thighearna na slógh, noch
áitreabhus a sliabh Sion.
19 Agus a nuair a déaruid síad
ribhsi: íarruidh ar an muintir agá mbíd
spioruid mhuinteardha, agus ar fháis-
tineachaibh phiobas, agus channranus:
nach ar chóir do dhaóinibh íarruidh ar
a Ndía féin? na mairbh ar son na mbéo?
20 Chum an dlighe, agus chum na
fíadhnuise: muna labhruid síad do réir
a nfocailsi, iseadh do chionn nach bhfuil
solus air bith ionta.
21 Agus rachaidh gach áon thríd, ar
na ccur chuige go crúadhchúiseach,
agus ocrach; agus tiucfuidh a ccrích a
nuair bhías gach áon aca ocrach, feargach-
uid féin, agus mailleochuid a Rígh, ag
a Ndía, agus féuchfuid súas.
22 Agus féuchfuid chum na talmhan
agus féuch, buáidhreadh, agus dorch-
dus, & doille ghoimhe; agus tim-
áinighthear a ndorchadus íad.

CAIB. IX.

*Sa nam is mò dólas ar an tsaóghail, tiocf[...]
Críosd le Sòlás.*

THairis sin ní bhía an doille mar [...]
bhí na buáidhreadh, a nuair [...]
ttús do ghortuigh sé go héattrom [...]
Shebulun, agus fearann Naphtali, [...]
na dhiáigh sin do ghortuigh sí [...]
ghéire í ar shlighe na fairge, [...]
thall do Jordan a Ngalilee na [...]
eadhach.
2 An pobal do shiubhail a ndorch-
dus, do chonncadar solus mór: [...]
mhuintir do chomhnuidh a ttír [...]
bháis, orra sin do lonnuigh an [...]
3 Dfoirlíon tú an cineadh, agus [...]
mhéaduigh tú an gáirdeachas: [...]
gháirid síad rombad, do réir an [...]
gháire annsa bhfoghmhar, mar [...]
ghid daóine a nuáir roinnid a [...]
4 Oír do bhris tú cuing a [...]
agus bata a ghualann, slat an [...]
leathtrom air, amhuil a ló [...]
5 Oír bí gach áonchath an [...]
maille re tormán cumaisgthe, agus re
héaduighibh fillte a bhfuil: achd [...]
so maille le losgadh, agus [...]
agus teine.
6 Oír do rugadh leanabh dhúinne,
tugadh mac dhúinn, agus biáidh [...]
ríaghladh air a ghualuinn, agus goir-
fighear a ainm an Tiongantach, an Comh-
airleach, an Día cumhachdach, [...]
Tathair siorruidhe, Prionnsa na síothcha-
na.
7 Ni bhía críoch air bhiseach a ríagh-
luidhthe, agus a shíothchana, ar [...]
aóir Dháibhi agus air a ríoghachd, [...]
hórdughadh agus dá seasamh le breith-
eamhnus, agus lé ceart, ó so amach go
bráth: teasghrádh Thighearna na slógh
choimhlionfas so.
8 Do chuir an Tighearna focal [...]
Jácob, agus do thuirling sé ar Israel.
9 Agus aitheonuidh an pobal uile, [...]
dhon Ephraim, agus dúthchusaidh [...]
mária, noch a deir a nuabhar, agus a
meanma chroidhe,
10 Do thuiteadar na bríceadha [...]
acht cuirfeimne súas lé clochuibh [...]
te; do gearradh na Siocamair [...]
acht áthrochuimne íad a Cédar.
11 Uime sin cuirfidh an Tigh[...]
naimhde Resin súas na aghaidh, [...]
teannfuidh a naimhde re chéile.
12 Na Sírianuigh ann a ttosach, [...]
na Philistinigh ann a ndeireadh; [...]
sluicfid Israel le béul foscuilte: ar a [...]
so uile níor filleadh a fhearg: [...]
atá a lámh sínte amach a ccomh[...]

13 Oir ní fhilleann an phoal chum an
[illegible] bhuaileas iad: ní mo iarruid síad
Tighearna na slógh.
14 Uime sin géarrfuidh an Tighearna
[illegible] Israel idir cheann agus earball, an
[illegible] agus luachair a naonló.
15 Is é an finnsior agus an tonórach
a cceann, agus an fáidh mhúineas bréu-
[illegible] an tearball.
16 Oir tréoruigheóirigh an pho-
bail do bheir orra seachrán, agus an
[illegible] threóruighthear léo atáid dioth-
[illegible]ighthe.
17 Uime sin ní ghairdeochuidh an Ti-
[illegible] iona nóganachaibh, & ní dhéa-
[illegible] trócaire da ndílleachduibh, nó da
[illegible]treabhachaibh: óir is fuarchráibh-
[illegible] gach aonduine, & droichghnio-
[illegible], agus labhruidh gach aóinbhéul
[illegible]: ar a shon so uile ní filltear
[illegible] fheirg ar a hais, acht ata a lámh
[illegible] amach a ccomhnuidhe;
18 Oir loisgidh an tolc mar theine:
[illegible] na dreasa agus na dosáin, agus
[illegible] a ttiugh na bhforaóiseach, agus
[illegible] suas cosmhuil ré héirghe suas
[illegible].
19 Tré fheirg Thighearna na slogh
[illegible]ghthear an dúithche, agus béid na
[illegible] mar chonnadh na teineadh: ní
[illegible] aonduine a dhearbhrathair.
20 Agus fuaideocha sé as a láimh
[illegible], agus bia ocrach: agus íosuidh
[illegible] láimh chlé, agus ní bheid sái-
[illegible]: íosuidh gach aonduine feóil a
[illegible] féin.
21 Manasseh Ephraim, agus Ephraim
[illegible], iad lé chéile a naghaidh
[illegible]. ar a shon so uile níor filleadh a
[illegible], acht atá a lámh sínnte amach
[illegible].

CAIB. X.

*[illegible] Assiria, slat smachduighe an Ti-
[illegible], tré theine fa dheire.*

1 [illegible] don lucht bhreathnuighios
[illegible] breitheamhnus éaigceart, agus scri-
[illegible] buaidhreadh dórduigheadar
[illegible];
2 Diompógh na neasbhuidheach ó
[illegible], agus do bhreithe a
[illegible] bhochduibh mo mhuintire, chor
[illegible] na baintreabhacha na ccreich
[illegible], & go sladfuid na dílleachdaigh.
3 Agus cred do dhéantaoi a ló na
[illegible], agus annsa léirsgrios thiucfas
[illegible]? cía gus a rachthaói ar
[illegible]? agus cáit a bhfúigfidhe bhur
[illegible]?
4 Am éagmhuissi claonfuid síos faoi
[illegible]: agus tuitfid faoi na
[illegible]: ar a shon so uile ní cláo-
[illegible]thear a fhearg, achd a lamh
[illegible] amach a cromhnuidhe.
5 O a Shírlanuigh, slat mfeirge sí,
[illegible] an bata iona láimh a sí sin mo
[illegible]fheargsa.
6 Cuirfidh mé é a naghaidh chinidh
fhuarchraibhthigh; agus a naghaidh
phobail mo dhioghaltais do bhéara mé
dhó cúram a néadáil do ghlacadh, agus
an chreach do ghlacadh, agus a saltairt
síos ámhuil salchar na sráide.
7 Acht cheana ní hí sin a intinn:
ní mo smuaineas a chroidhe mar sin;
ach atá iona chroidhe scrios & gearradh
amach cineadhach nach béagán.
8 Oir a deir sé, Nach bhfuilid mo
phrionnsoidhe thrsd amach na Ríghthibh?
9 Nach bhfuil Calno mar Charchémis?
nach bhfuil Hamat mar Arphad? nach
bhfuil Samária mar Dhamascus?
10 Fa mar fuair mo lámhsa riogha-
chda na niodhal, agus ar sháruigheadar
a níomhaighe grabhálta iad súd ann Je-
rusalem, agus a Samária.
11 Mar do rinne mise re Samaria,
agus re na hiodhalaibh, mar sin nach
déana mé re Jerusalem, agus re na
hiodhaluibh?
12 Uimesin tiucfa a ccrich a nuáir
chriochnochus an Tighearna a obair
iomlán ar shliabh Sion, agus ar Jerusa-
lem, diogholuidh mé toradh an chroidhe
uálbhrigh ar Rígh na Hassiria, agus glóir
a radhairc aird.
13 Oir a déara sé, Lé neart mo lámh do
rinne mé é, agus lé mo ghliocus; óir
atáim glic: agus dáthruigh mé téora na
ndaoine, agus do shlad mé a nionnmhus
agus do chuir mé síos na dúthchusaigh
amhuil duine cródha.
14 Agus fuáir mo lámh amhuil nead,
saidhbhrios an phobail: & mar chruinni-
ghios duine uighe do fágbhadh, do chrui-
nnigh mé an talamh uile, agus ní raibh
neach do chorruidh an sciathán, nó dfos-
cuil an béul, nó do phíobuidh:
15 A ndéana an túagh spleadhachus
aiste féin a naghaidh an té ghearras lé?
nó an mórfuidh an tuiriosg é féin a
naghaidh an té chroitheas é? mar do
chroithfeadh an tslat í féin anaghaidh
an té thógbhas suas í; nó mar thóig-
feadh an bata é féin súas, mar budh
nach ar mhaide é.
16 Uimesin cuirfidh an Tighearna,
Tighearna na slógh trúadhus a measg
a dhaóine méithe, agus faói na ghlóir
lasfuidh sé losgadh amhail losgadh
teineadh.
17 Agus biaidh solus Israel mar theine,
agus a aóin náomhtha mar lasair: agus
loisgfidh, agus caithfidh a dhreasa, agus
a dhosáin a naonló;
18 Agus críochnochuigh glóir a fhor-
aóise, & a mhachaire thórthuigh, eidir
anam & chorp: agus biaidh mar fhear
bratuighe a nuáir a laguidhear é.
19 Agus an chuid oile do chrannuibh
a fhoraóise, budh tearc iad, go scriobh-
thadh leanamh iad.
20 Agus tiucfa a ccrich annsa ló
sin, an fuighioll bhias do Israel, agus

an mhéid rachus as do thigh Jácob, nach
bhfanfuid ní is mó airsion, noch do bhu-
áil iad ; achd fanfuid ar an Ttighearna,
áon naomhtha Israel a bhfirinne.
21 Fillfidh an fuighioll, eadhon fui-
ghioll Jácob, chum an Dé chumachdaigh.
22 Oír bíth go bhfuil do phobal
Israel mar ghaineamh na fairge, gidh-
eadh fillfidh a bhfuighioll ; an diogh-
bháil ar na fhúagra tuileochuigh thairis
lé fíreántacht.
23 Oír do dhéana an Tighearna Día
na slógh, críochnughadh mar do tionns-
gnadh a meadhón na tíre uile.
24 Uimesin is mar so a deir an
Tighearna Dia na slógh : ó mo phobal
chomhnuigheas ann Sion, ná bíodh
eagla na Nassirianach ort : buáilfidh
sé thú lé slait, agus tóigfe sé súas a
bhata ad aghaidh, do réir mhodha
na Hégipte.
25 Oír fós a ro bheagán aimsire,
agus scuirfidh an díbhfhearg, agus
mfeargsa ann a scriosson.
26 Agus corrochuigh Tighearna na
slógh scíursa súas dó, do réir áir Mhi-
dian ag an ccarraig Oreb : agus sa
mar do bhí a shlat ar an bhfairge,
mar sin thóigfios sé súas í do réir
mhodha na Hégipte.
27 Agus tiucfa a ccrich annsa ló sin,
go ttóigfear a úalach dot ghúaluinn,
agus a chuing dot mhuineal, agus bris-
fighear a chuing bhrígh a ungtháidh.
28 Tháinic sé go Haiat, do chuáidh
sé go Migron, a Michmas do chuir sé
a charáiste a náirde.
29 Agus do chúadar anonn thar an
tóchar, do thógbhadar súas a lóistin
ann Géba : ata Ramah eaglach, do
theith Gibeah Shauil.
30 Tóg súas do ghuth a inghean
Ghallim : tabhair fa deara a chluinsin
go Lais, Anatot bhoichd.
31 Do háthruigheadh Madmenah,
do chruinnigheadar dúthchusaigh Ghé-
bim iad féin, do theitheamh.
32 Fanfuidh sé go fóill a Nob ann-
sa ló sin ; croithfidh sé a lámh a nagh-
uidh sléibhe inghine Sion, cnoc Jerusalem.
33 Féuch, an Tighearna, Tighearna
na slógh, géarrfuidh sé an beangán
maille re críothnughadh : agus na
crainn árda a méid, géarrfuighear síos
iad, agus uimhleochthar an tuáibhreach.
34 Agus géarrfaidh sé síos tiugh na
bhforaóiseach le hiarann : agus tuitfidh
Lebanon le neach láidir.

CAIB. XI.

*Ceart & Síthchaimh rígheachta an Bhean-
gain thig as bun Jesse, agá mbí 7 tiodh-
luicethe an Spiorad naóimh.*

AGus tiucfa slat amách as bun Jesse ;
agus fasfuidh beangán as a fhréimh.
2 Agus áiteochuidh spiorad an Ti-
ghearna air, spiorad na heagna, agus
na tuigse, spiorad na comhairle, agus
na cumhacht, spiorad a neóluis, agus
eagla an Tighearna.
3 Agus do dhéana sé do thuicsin
bhrioghmhair é a neagla an Tighearna,
[illegible] timchioll air an ccuimín ;
[illegible] buáiltear an fiatghail a mach lé
[illegible]aide, agus an cuimín lé slait.
28 Bruighthior [arbhar] a naráin do
[illegible] nach bia sé choidhche ag buáladh,
[illegible] nach brisfidh é lé roithléan a
[illegible], agus nach brúighfidh é lé
[illegible].

29 Thig so mar an ccéadna ó Thi-
ghearna na slógh, noch atá iongantach
a ccomhairle, agus oirdheirc a noibriu-
ghadh.

CAIB. XXIX.

Breitheamhnus Ariel, no milleadh Jerusalem.

AMhairg do Ariel, do Ariel an cha-
thair ionar chomhnuidh Dáibhi :
cuiridhsi bliadhuin a ccionn bhliadhna ;
marbhaidis iodhbhartha.
2 Thairis sin goirteochuidh mé Ariel,
agus biáidh dobrón agus doilghios annsin
agus biáidh sé dhamhsa mar Ariel.
3 Agus do dhéana mé foslongphort
ad aghaidh timchioll fá ccuáirt, agus
cuirfe mé slúagh ad aghaidh maille ré
daingneach, agus tóigfe mé puirt ad
aghaidh.
4 Agus béarthar síos thú, agus laibh-
eóra tú as an ccriáidh, agus biáidh do
chaint amach as an luáithreadh, agus
biáidh do ghuth mar aon agá mbí
leannán sighthe as an ttalamh, agus do
dhéana do ghlór píosarnach as an
luáithreadh.
5 Tuilleamh oile, biáidh iomad do
choimhighthcach cosmhuil ré luaithreadh
mín, agus biáidh iomad na ndaoine úath-
bhásach mar an lóchán imthighios ; biáidh
sin fós ar ball go haithghéarr.
6 Do dhéana Tighearna na slógh
cuáirt agad maille ré tóirnigh, agus lé
criothtalmhan, agus lé torman mór, lé
stoirm, agus lé hanfa, agus lé lasair
theineadh loisgnighe.
7 Agus biáidh iomad na nuile chin-
eadh noch throidios a naghaidh Ariel,
eadhon gach a ttroidionn na haghaidh
féin, agus a naghaidh a stóir, agus
mhillios í, mar aisling fhis oidhche.
8 Is amhluigh bhias a nuáir aislingios
duine ocrach, agus féuch ithidh sé ; acht
músgluigh sé, agus bí a anam folamh :
nó mar aislingios duine tartmhar, agus
féuch ibhidh sé ; acht músgluidh sé, agus
féuch bí sé lag, agus bí miangus air a
anam ; marsin bhias iomadamhlachd na
nuile chineadhcach noch throidios a
naghaidh shléibhe Sion.
9 Congmhadh sibh féin, agus iongan-
taigh, éighmhidhe agus combaircidh ;
ataid siad ar meilce, acht ní lé fíon,
tuitidh siad a nonn sa nall, acht ní lé
digh láidir.
10 Oir do dhóirt an Tighearna
spiorad an chodalta thruim amach
oruibhsi, agus do iadh sé bhur súile ;
dfoluigh sé bhur bhfáighe, agus bhur
nachdaráin, agus na féuchadóirigh.
11 Agus tháinic fís a niomláin dha-
oibhsi amhuil bríathar leabhair atá ar
na shéaladh, noch do bheirid daoine
daon bhíos foghlomtha, gha rádh, Léigh
so anois, agus a deir seision, ní fhéad-
uim, óir atá séala air.

12 Agus tugadh an leabhar don tí
nach raibh foghlomtha, gha radh, Léigh
so a nois; agus a deir seision, Ní
bhfuilim foghlomtha.
13 Uime sin a dubhairt an Tigh-
earna, Do bhrígh go ttairingid an
mhuintirse láimh riom le na mbéul, agus
go nonóruighid le na bpuisinibh mé, acht
gur áthruigheadar a ccroidhe a bhfad
uaim, agus gur múineadh a neagla dom
thaóibhsi maille re aithne dhaóine:
14 Uimesin féuch, rachuidh mé ar
maghaidh do dhéanamh oibre iongan-
tuigh a measg an phobailsi, eadhon obair
iongantach, agus iongnadh: óir imeoch-
uidh eagna na ndaoine ccríonna seachad,
agus ceilfighthear tuigse na neagnuidhe.
15 A mhairg don droing théid a
ndoimhne, do cheilt a ccomhairle ón
Ttighearna, & atáid a noibreacha a
ndorchadas, agus a deirid, Cía chí sinn?
agus cía agá bhfuil éolus oruinn?
16 Go deimhin measfuighthear bhur
niompogh bun ós cionn, amhail críadh an
tí do ní potadh: óir a naibéora an
obair ris an tí do rinne í, Ní dhéarna sé
mé? no a naibeora an ní cumtha ris an
tí chumas é, Ní bhfuil tuigse aige?
17 Nach ro aithgheárr fós, agus iom-
póchthar Lebanon a machaire tóirtheach,
agus measfuighthear an machaire tóir-
theach mar fhoraóis?
18 Agus annsa ló sin cluinfidh an
bodhar briathra an leabhair, agus do
chífid súile an daill amach as an
dorchachd, agus an daille.
19 Méideochuid fós na daóine macánta
a ngáirdeachus annsa Tighearna, agus
búathgháirfid na boicht a measg an
phobail ann áon náomhtha Israel.
20 Oir tugadh an túathbhásach a
neimhní, agus do claóidheadh an tar-
cuisneach, agus géarrthar gach a ndéan
furachus le hégceart.
21 Noch do ní ciontach do dhuine
arson focail, agus chuirios paintéur a
ccoinne an tí aithbhirios annsa gheata,
agus chuireas an fíréun do leathtaóibh
ar son neithe gan bhrígh.
22 Uime sin is marso a deir an
Tighearna, noch dfúascail Abraham, a
ttaobh thighe Jácob: Ní bhiáidh náire
anois ar Jácob, agus ní bhánfuigh a
aghaidh a nois.
23 Acht a nuáir do chífidh sé a
chlann, obair mo lámhsa iona lár, ná-
omhthochuid síad mainmsi, & náomh-
thochuid síad áon náomhtha Jácob, & bi-
áidh critheagal orra roimhe Dhía Israel.
24 Tiucfuidh fós an drong do rinne
earraid a spioraid, chum tuigsiona: agus
an drong do rinne ithiomrádh, fogh-
lomfuid ealadha.

CAIB. XXX.

Gu bhfuil neart an phobuil, a cciúnas, & a ndóthchus.

A Mhairg don chloinn cheannairgidh,
a deir an Tighearna, ghabhas
comhairle, agus nach uaimse; agus
fholchas lé folach, achd ní lé mo spi-
oraidsi, iondus go ccuirfidis peacadh a
gceann peacaidh:
2 Noch shiubhluighios do dhul síos don
Négipt, (agus nar iárr ar mo bhéulsa)
dá neartughadh féin a neart Pharao,
agus do dhóthchusadh a sgáile na Hé-
gipte.
3 Uime sin bhíais neart Phárao na
náire dhaóibhsi, agus bhur ndóigh a sgáile
na Hégipte bhur naidhmhilleadh.
4 Oir do bhádar a phrionnsadh a Zo-
an, & thangadar a theachda go Hanes.
5 Do bhádar uile náireach sa phobal
nach ar fhéad tarbhughadh dhóibh, agus
nach raibh na gcungnamh nó na sochar,
achd an náire agus fós na míochlú.
6 Ualach beathach an deisceirt: go
tír na buaidheartha, agus na goimhe,
as a ttig an leomhan óg agus sean,
an bhipear, agus an naithir nimhe eit-
thiantighe, iomchoruid síad a saidh-
bhrios ar ghuáillibh asal óg, agus a
nionnmhus ar chruitibh cámhall chum
pobail nach ttairbheochaidh dhóibh.
7 Oir budh díomhaóin cungnamh na
Négipteach, gan bhrígh ar bith: uimesin
déigh misi ar a shonso, Sé a neart
fanmhain na chomhnuidhe.
8 Anois éirigh, scríobh é a ccláir na
a ccoinne, agus cuir a leabhar é, chor
go mbí ag a naimsir thiucfas go bráth
agus go síorruidhe:
9 Gur pobal cogthach íad, clann
bhréagach, clann le nach áill dligheadh
an Tighearna do chluinsion:
10 Noch a deir ris na féuchadóiribh,
Ná faicidh: agus ris na faighibh, Ná
tairghiridh dhúinne neithe cearta:
labhraidh rinne neithe bláithe, tair-
ghiridh cealga.
11 Téighidh amach as a tslighe, sillidh
do leathtaóibh as an ccasan: tugaidh
ar áon naomhtha Israel cosg romhuinn.
12 Ar a nadhbharsin is marso a
deir áon náomhtha Israel, do bhrígh
go ttarcuisnighthi an bhriátharsa, agus
go ccurthaói bhur ndóthchus a ma-
leathtrom agus a nurchóid, agus go
bhfantaói orrasin.
13 Uimesin biáidh an téaccearta
dhaóibhsi mar bhriseadh ullamh chum
tuiteama, ag at amach a mballa árd,
a ttig a bhriseadh ar ball go hobann.
14 Agus brisfe sé é amhuil brise
soithighe a nuisge bhrisdior na bhlodhuibh
ní choigeola sé; ionnus nach bhfuighthear
iona bhriseadh píosa le a mbearthaói
teine ón teallach, nó leis a ttiubhar-
thaói uisge as an log.
15 Oir is marso a deir an Tighearna
Día, neach náomhtha Israel, A niompogh
agus a suáimhnios béithí tárthuighthe, a
cciúnas agus a ndóthchus bhías bhur
neart: agus níor bháill libh.

16 Acht a dubhrabhairſi, Ní headh,
[..] teithfiom ar eachaibh: uimeſin teith-
fidhí; agus do dhéanamne marcuigh-
eacht air an [mbeathach] lúath; ar a
[..]bharſin bhias an luchd leanſas ſibh
[..].
17 Teithfidh aon mhíle [duine] le hach-
[..] aoin, lé hachmhulán cúigir teith-
fidhe; nó go bhfágthar ſibh mar mháo-
[..] ar mhullach an tſléibhe, amhuil
[..] ar cnoc.
18 Gidheadh fuirfheithmhigh an Ti-
ghearna ré bheith gráſamhuil daóibh:
agus árdeochthar uimeſin é, chor go
[..] ſé trócaire oruibh; óir is Día
[..]mhnuis an Tighearna, is beann-
[..] an mhéid fhuirfheithfios air.
19 Oír áitreobhuid na daóine a Sion
[..] Jeruſalem: ní ghuilfidh tú ní ſa mhó,
[..] ſé ro ghráſamhuil duit ar ccluin-
[..] gotha héighimh; a nuáir do chluin-
[..] ſé ſin, freagoruidh ſé thú.
20 Agus mátá go ttabhair an Tigh-
earna arán na haindeiſi dháoibhſi, agus
[..] an ſmachduighthe, gidheadh ní
[..]ochthar do lucht teagaiſg a ccoir-
[..] ní as mó; achd chífid do ſhúile
[..] lucht teagaiſg.
21 Agus cluinfid do chlúaſa focal
[..] ſhíar dhíot, dhá rádh, Sí ſo an
[..], ſiubhluighidh innte; a nuáir
[..]dhe ar an láimh dheis, agus a
[..] fhillfidhe ar an láimh chlé.
22 Truaillfighthí fós folach híomh-
[..]headh greanta dairgiod, agus córu-
[..]dh híomháigheadh leaghtha dór;
[..] tú uáit íad amhail éadach
[..], a déara tú ris, Imthigh as ſo.
23 Annſin do bhéara ſé fearthuinn do
[..] le a ſíolchuirfe tú thfearann, agus
[..] do bhiſeach na talmhan, & biáidh
[..], agus tóirtheach: annſa lóſin
[..]fidh háirnéis a machairighibh
[..].
24 Na daimh fós agus na haſſail óga,
[..] threabhus an fearann, íoſuid beatha
[..], noch do cáitheadh leis a tſlúaſaid,
[..] leis a ccriathar.
25 Agus biáidh ar gach uile ſhlíabh
árd, agus ar gach cnoc árd; ſrotha
agus caiſeadha uiſgeadh a ló a náir
[..], a nuair thuitfid na tuir.
26 Tuilleamh oile, biáidh ſolus na
[..] mar ſholus na gréine, agus
[..] ſolus na gréine ſeachd-nuiread,
[..] ſeachd lá annſa ló a gcean-
[..] an Tighearna ſúas briſeadh a
[..], & leighisfidh buille a chneidhe.
27 Féuch, thig ainm an Tighearna ó
[..]éine ag loſcadh le na fheirg, agus
[..] trom a úalachſin; atáid a phui-
[..]ghe lán dfeirg, agus a theanga amh-
[..] teine loiſgnighe.
28 Agus roichfidh a anál amhuil tuile
[..] bhrúach go lár an mhuinéil, do
chriathradh na ccineadhach lé críathar
an díomhaóinis: agus biáidh ſrían a
ngallaibh an phobal dá thabhairt orra
[..] do dhéanamh.

29 Biáidh caintic amhuil annſa noidh-
che, a nuair naomhthar an tſollamoin,
agus gáirdeachus croidhe amhail mar
théid duine le píob do dhul ar ſhlíabh an
Tighearna go háon cumhachdach Iſrael.
30 Agus do bhéara an Tighearna fa
deara a ghuth glórmar do chluinſion, &
foillſeochuidh ſé tuirling a láimhe a núas
maille re dioghaltas a fheirge, agus lé
laſair theineadh ſcrioſta maille re ſga-
badh, lé hanſa, agus lé cloichſhneachda.
31 Oír is tré ghuth an Tighearna
bhuáilfighear an Taſſirianach ſíos, noch
do bhuáil lé ſlait.
32 Agus biáidh gach imtheachd na
ſlaite ſeaſmhuigh noch leagſas an Tigh-
earna air, maille re tiompanuibh, agus
re cláirſeachaibh, agus a ccathaibh cri-
othnuigthe throidfios ſé leis.
33 Oír do hórduigheadh Tophet ón
tſeanaimſir; iſeadh don Righ fós do hull-
mhuigheadh é, do rinne ſé domhuin agus
leathan é: ſé a chárn loiſgnighe ſin,
teine, agus iomad connaidh, laſaidh anál
an Tighearna é amhuil ſruth ruibhe.

CAIB. XXXI.

Mairg na ndaóine ag a mbí a muinighinn a marcſhluagh, & leigeas Dia dhíobh.

AMhairg don droing théid ſíos don
Négipt chum cabhra, & fhanas ar
eachaibh, & dhóthchuſuighios a ccarba-
duibh, do bhrígh go bhfuilid iomadamh-
uil; & a marcſhluagh do bhrígh go bhfui-
lid láidir: acht ní fhéachuid ſiad dáon
naomhtha Iſrael, ní íarruid ſiad an Ti-
ghearna.
2 Gidheadh atá ſeiſion fós críonna, &
do bhéara ſé olc, & ní ghoirfidh a bhri-
athra air ais: acht éireochuidh ſé a nadh-
uigh thighe na míghníomhach, & a nagh-
aidh chuidighthe na druinge oibrighios
éigceart.
3 Anois is daóine na Hégiptigh & ní
Día, & is feóil a neich, & ní ſpiorad:
a nuáir ſhínfios an Tighearna a lámh a-
mach tuitfidh aráon an té chuidighios, &
tuitfidh ſíos an té ré a ccuidighthior,
& failleochuid ſiad uile a néainfheachd.
4 Oír is marſo do labhair an Tighear-
na riomſa: Amhuil mar bhúirios an leo-
mhan agus an leomhan óg air a chreich;
a nuáir ghoirthear mórán áodhaireadh a-
mach na adhaigh, ní bhiáidh eagla a
ngotha air, agus ní iſleochar é ar ſon a
ttormain; marſin thiucfas Tighearna na
ſlógh a núas do throid ar ſon ſléibhe
Sion, agus ar ſon a chnoicſin.
5 Mar éunuibh ag eitiolluigh, is mar
ſin chuimhdeochus Tighearna na ſlógh
Jeruſalem: agá cumhdach fós, ſaorfa ſé
i, & gabháil thairis, coimhdeochuidh ſé i.
6 Fillidhſi chum an té ór iompoi-
gheadar clann Iſrael go domhuin.
7 Oír annſa ló ſin teilgfidh gach nduine
úadh a iodhail airgid agus a iodhail
óir,

óir, noch do rinneadar bhur lámha féin
dibh mar pheacadh.
8 Annsin thuitfios an Tassirianach leis
an ccloidheamh, ní lé duine láidir, agus
ní cloidheamh dhuine uirísil mhuirfios
é: acht teithfidh sé on ccloidheamh, &
claóidhfighear a dhaóine óga.
9 Agus rachaidh sé anonn dá ionad
didin lé heagla, agus béid a phrionnsa-
dha eaglach roimhe an mbratuigh, a deir
an Tighearna, a bhfuil a theinidh a Sion,
& a fhuirnís ann Jerusalem.

CAIB. XXXII.

Oitrab righeacht na ʃithchaimh, ighe acht Chriosd.

FFéch, ríghfidh Rígh a bhfireantachd
agus riaghlochuid prionnsadha a
mbreitheamhnus.
2 Agus biáidh neach mar áit fasgaidh
ón ghaóith, agus mar fholach ó nansa:
amhuil aibhne uisge a náit thirim, amhail
sgáil cairge móire a bhfearann thartmhar.
3 Agus ní bhéid súile na druinge
do chífeas, céodhach; agus éistfid
clúasa na ndaóine chluinfiós.
4 Tuigfidh fós croidhe na ndaóine mear-
ganta eolus, & biáidh teanga na mbrio-
tach réidh chum labhartha go soilléir.
5 Ní goirfighear an tamadán ní sa
mhó dáonnachdach, agus ní haibeorthar
an santach do bheith saidhbhir.
6 Oir laibheoruidh an tamadán ama-
dánachd, agús oibreochuidh a chroidhe
éaigceart, do ghnáthughadh súarchrá-
bhaidh agus do labhairt earraide a na-
dhuigh an Tighearna, do dhéanamh
anma a nocraigh folamh, & do bhéara
ar dhigh an tartmhair failliughadh.
7 Is olc fós soithighidh an tsantuigh:
tionfcnuidh sé droichthionnscanta do
scrios an bhoichd le bríathraibh bréa-
gacha, eadhon a nuáir labhras an tear-
bhuidheach go ceart.
8 Acht tionnscnuidh an duine dáon-
nachdach neithe dáonnachdacha, agus lé
neithibh dáonnachdacha sheasfas sé.
9 Eirghidhe suas a mhná súaimhneacha,
cluinidh mo ghuth, a ingheana dóthchu-
facha, tugaidh éisteachd dom ghlór.
10 Beithi mórán do laethibh, agus
do bhliadhnuibh buáidheartha, sibhsi
a mhná dóthchusacha: óir failleochuidh
cruinniughadh na ngrápuigheadh, ní
thiucfaidh an toradh.
11 Criothnuighidh a mhná súaimhnea-
cha, bíthí buaidheartha a mhná dóthchu-
facha: nochdaidh sibh, agus déanaidh
sibh féin lomnochd, agus criosluighidh
saicéadach ar bhur leasraibh.
12 Guilfid siad ar son na ccíoch, ar
son na madh min, ar son na fíneamhna
torthuigh.
13 Tiucfaid dosáin agus dreasa ar
fhearann mo pobail, fós ar uile thighthibh
an ghairdeachuis a ccathruigh an tsólais.
14 Do bhrigh go ttréigfighear na pá-
láis, go bhfágfighear iomad na ccai-
threach, béid na puirt, agus na tuir na
nuamhuibh go bráth, gairdeachus asal
fhiadhta, inbhear na ttréud.
15 Nó go ndóirtear an spiorad orainn
ó naird shúas, agus go raibh an fásach
na mhagh thóirtheach, agus go meastar
an madh tóirtheach na fhoraóis.
16 Ann sin áitreobhuidh breithea-
mhnus ansa bhfásach, agus biáidh ceart
na chomhnuidhe annsa madh thóirthea-
mhuil.
17 Agus budh síothchain obair na
fireuntachda, agus budh suaimhneas
éifeacht a nionnracuis, agus daingean
go bráth.
18 Agus cóimhneochuidh mo phobal-
sa a náitreabh shíothchánta, agus a
ttighthibh daingne, agus a ffocaireadh
shuáimhneach.
19 A nuáir fhearfas sé cloich-
shneachda, ag teachd a nuas air an bhfo-
raóis, agus ísleochuigh an chathair í
féin a nionad ísiol.
20 Is beannuigh sibh a dhruingidh
chuirios laimh ris na huile uisgeadhaibh,
chuirios amach cos an daimh, agus a
nassail.

CAIB. XXXIII.

Docambail na Hassiria arson a slatchuirtheachd.

A Mhairg dhuitsi, noch airgios, agus
nach ar hairgeadh thú, agus do
ní go feálltach, agus nach déarnadar
go fealltach riot: a nuáir scuirfeas tú
do mhillteachus, millfighear thú, agus
a nuáir scuirfios tú do dhéanamh go
fealltach, do dhéanaid siadsan go
fealltach riotsa.
2 O a Thighearna, bí grásamhail
dúinn, do fheitheamar ort: bí ad rígh
aca gach maidin, ar slánughadh fós a
nam na buáidheartha.
3 Fa ghuth an ghiotraic do theith an
pobal: ar do thógbháilse siar do
sgabadh na cineadhacha.
4 Agus cruinneochthar bhur neadáil
amhuil cruinniughadh an chaterpiller:
mar shiubhal an lócuiste, ag dul
thríd.
5 Atá an Tighearna ar na árdu-
ghadh; óir áitreabhuidh sé ar árd: do
líon sé Sion lé breitheamhnus, agus lé
fíreantachd.
6 Agus eagna, agus eolus bhus ar
thughadh dot aimsearuiblisi, agus neart
slánuighthe: isé eagla an Tighearna a
ionnmhus.
7 Féuch, éighfid a ngaisgidh amuigh,
guilfid teachda na síothchána go géar.
8 Atáid na slighthe móra na bhfá-
sach, scuiridh an fear turais do
bhris an cunnradh, do tharcuisnigh sé
na caithreacha, ní bhfuil suim aige a
naonduine.
9 Atá an talamh ag caói, agus
ag feargadh: atá Lebanon náireach, a-
gus ar na ghearradh síos: atá Saron
cosmhail ré díothramh, agus croithid
Basan

[illegible] agus Carmel a ttóirthe dhíobh.
10 Anois éireochuidh mé a deir an
Tighearna: anois áirdeochthar mé, anois
[illegible] mé suas mé féin.
11 Cáith bhus toirrchios díbhsi, béur-
[illegible] connlach: loiscfidh bhur nanál
[illegible] amhuil teine.
12 Agus biáidh an pobal mar losgadh
[illegible], mar dhosa gearrtha loisgfighear
[illegible] teine iad.
13 Cluinidhsi a dhream atá a bhfad
[illegible], cread do rinne mé: agus a luchd
[illegible] riom, admhuighidhsi mo chu-
[illegible].
14 Atáid peacaich Síon eaglach, do
[illegible] na suarchráibhthigh [gha
[illegible]] Cia áitreobhus eadruinn maille
[illegible] fiorruidhe?
15 An té shiubhluighios go hionnruic,
[illegible] labhrus go díreach, an té thar-
[illegible] tairbhe na héagcóra, chroi-
[illegible] a lámh ó ghlacadh chumhtha,
[illegible] a chluasa ó chluinsion fola, agus
[illegible] a shúile ó fhaicsin uilc:
16 Áitreobhuidh an tési go hárd:
[illegible] daingneach na ccarrag a áit
[illegible], do bhéarthar arán dó, budh
[illegible] a uisge.
17 Do chífid do shúile an Rígh iona
[illegible], do chífid an talamh atá a bfad
[illegible].
18 [illegible] do chroidhe [illegible]
[illegible]: cáit a bhfuil an scribhneóir?
[illegible] bhfuil an glacadóir? cáit a bhfuil
a té áirmheas na tuir?
19 Ní fhaicfe tú daóine fiochmha-
[illegible], do ghlór is doimhne ná
[illegible] tú do thuigsin, do thean-
[illegible] bhriotuidh gan tuigse.
20 [illegible] ar Shion cathair ar sollamon-
[illegible]: do chífid do shúile Jerusalem
[illegible] shuáimhnigh, tabernacuil
[illegible] fighear síos, ní corrochthar áon
[illegible] go bráth, agus ní brisfi-
[illegible] áon dá chorduighibh.
21 Acht annsin bhias an Tighearna
[illegible] dháinn, na áit srotha leathain
[illegible], mar nach racha áonlong
[illegible]: ní mó gheabhus áonlong
[illegible] thairis.
22 Oir isé an Tighearna ar mbreith-
[illegible], isé an Tighearna tabhartthach ar
[illegible]: isé an Tighearna ar Rígh:
[illegible] fé sinn.
23 [illegible] do chábhluighe sgaóilte; nior
[illegible] go maith a ccrann seóil do
[illegible], nior fhédadar a seóil do
[illegible]: annsin do roinneadh
[illegible] éadála móire, béuruidh an bacach
[illegible] leis.
24 Agus ní aibeoruidh an táitreabh-
[illegible], Atáim tinn: na daoine áitreabhus
[illegible], Maithfighear dhóibh a néaigceart.

CAIB. XXXIV.

[illegible] Dé ar naimhdibh na Heagluise.

Tigidh a ngar, a chineadhacha déis-
[illegible] agus tugaidh aire, a phobal:
cluineadh an talamh, agus gach a bhfuil
ann, an saoghal agus gach a ttig amach
as.
2 Oir atá díbhfhearg an Tighearna
ar na huile cineadhachaibh, agus a theas
feirge air a nuile shluagh; do scrios sé
thríd amach iad, thug sé do nármhach
iad.
3 Teilgfighear fós a mairbh amach,
agus tiucfaidh a mbréuntas suas as a
cconablachaibh, agus leagfuighear na
sléibhte le na bhfuil.
4 Agus cuirfighear ó chéile uile
shlúagh nimhe, agus crapfuighear na
flaithis a ccionn a chéile amhuil scro-
la: agus tuitfidh a slúagh uile síos,
mar thuitios an duille do nfíneamhuin,
agus amhuil fíge thuiteas don chrann
fíge.
5 Oir biáidh mo chlóidhiomh ar na
fhothraghadh a bflaitheamhnus: féuch,
tiucfuidh sé a núas ar Idumea, & ar pho-
bal mo mhallachd chum breitheamhnuis.
6 Atá cloidhiomh an Tighearna líonta
dfuil, do rinneadh méith lé méuthus é,
& lé fuil úan, & ghabhar, & le geir
dhubhán na reitheadh: óir atá íodhbairt
ag an Ttighearna a Mbosrah, agus ár
mór a ttír Idumea.
7 Agus tiucfaid na hunicorn léo a
núas, agus na bulóga leis na tarbhuibh,
agus fliuchfuighear a bhfearann lé fuil,
agus do dheantar a luaithreadh méith
le méuthus.
8 Oir isé lá díoghaltais an Tighearna
é, agus bliadhain na luáidheachda ar
son imreasuin Shion.
9 Agus iompochar a srotha sin a bpic,
& a luáithreadh a ruibh, & a fhearann
chum bheith na phic loisgnigh.
10 Ní múchfuighear a noidhche ná a
ló é, rachaidh a dheatach súas go brátha
ó ghinealach go ginealach biáidh sé aon-
ránach, ní gheabha duine ar bith thríd
go saoghal na saoghal.
11 Acht sealbhochuidh an fiach ma-
ra, & an bunnán léanadh é, coimhneo-
chuidh fós an tulchabhcán, agus an fiach-
dubh ann, agus sínfidh sé dorubha a
naidhmhillte fair, & clocha na foilmhe.
12 Goirfid siad a uáisle chum na río-
ghachda, acht ní bhiáidh áonduine ann
sin, & budh neimhní a prionnsadha uile.
13 Agus tiucfuid droighne tré na
pálásaibh, neantóg agus dreasóga iona
daingneachaibh: agus biáidh sí na
háitreabh dragún, agus na cúirt dul-
chabhcánuibh.
14 Teigeomhuid fós beathuigh állta
an diothraimh ré beathuighibh állta a
noiléin, agus goirfidh an saitír a chom-
pánach: suáimhneochuidh fós an choirr-
scréadhóg annsin, agus do gheabha sí
áit comhnuighe dhi féin.
15 Is ann sin do dhéana an tulchabh-
cán mór a nead, agus luidhfios, agus
ghoirfios, & chruinneochus fa na sgáth:
annsin

annsin fós cruinneochuid na bhul-
tuir gach áon maille re na chompa-
nach.
16 Jarruidhsi amach as leabhar an
Tighearna, agus léighidh; ní fhailleo-
chuidh áon diobhso, ní bhiáidh easbhuigh
a chompanuigh ar áon díobh: óir dai-
thin mo bhéulsa é, agus do chruinnidh
a spiorad íad.
17 Agus do theilg sé crannchar
ar a son, agus do roinn a lámh eattor-
ra é lé slabhradh: sealbhochuidh síad
go bráth é, ó ghinealach go ginealach
comhnochuid ann.

CAIB. XXXV.

Sonas na Heagluise re linn na Tiomna Nuadh.

Bláidh lúathgháir air an bhfásach,
agus ar a náit áonránuigh
ar a son, agus gáirdeochuidh an
díothramh, agus bláthochuidh sé amh-
uil rósa.
2 Blá thochuidh sé go líonmhar, gáir-
deochuidh sé fós lé lúathgháir, agus le
céol: do bhéarthar glóir Lebanon dó,
oirdhearcus Charmel, agus Sharon: do
chífid síad glóir an Tighearna, agus
oirdhearcus ar Ndénne.
3 Neartuighidhsi na lámha laga,
agus daingnighidh na glúine éittréo-
rach.
4 Abruidh ris a ndroing agá bhfuil
croidhe eaglach, Bithí láidir, ná him-
eagluighidh: féuchuidh, tiucfaidh bhur
Ndía lé dioghaltas, tiucfaidh Día
lé lúaidheachd: tiucfa sé, agus sáorsa
sé sibh.
5 Ann sin oilsceoltar súile na ndall,
agus biáidh clúasa na mbodhar gan
stopadh.
6 Annsin lingfios an duine bacach
amhuil fiadh, agus canfuidh teanga
an bhailbh céol; agus brisfid uisgeadha
amach annsa bhfásach, agus sruthháin
annsa díothramh.
7 Agus tiucfuidh an fearann tirim
chum bheith na lochán, agus an fearann
tartmhar na shrothaibh uisge: a náit-
reabh na ndragún, mar a luighionn
gach áon, biáidh féur, maille re giol-
cach, agus re lúachair.
8 Agus biáidh slighe mhór ann sin,
agus bealach, agus goirfighear dhe, Bea-
lach na náomhthachda; ní shiubholuid
na neamhghloin thríd, acht biáidh se na
ccoinnesion: an fear siubhail, agus na
hamadáin, ní rachuid a mugha ann.
9 Ní bhiáidh leomhan ar bith annsin,
ní mo rachus aóinbheathach fúaduigh-
the súas ann, ní bhfuighthior annsin é:
acht siubholuidh an drong fháascal-
tar ann.
10 Agus fillfid an mhéid fhúasg-
glas an Tighearna, agus tiucfuid go
Sion maille re céol, agus re gáir-
deachus síorruidhe ar a cceannuibh;
glacfuid síad gáirdeachus agus lúath-
gháir, agus teithfidh dóbrón agus osna-
dhach úatha.

CAIB. XXXVI.

Do shuigh Senacherib a ttimchioll Jerusalem.

A Nois tárla annsa cheathramhadh
bliadhain déug don Rígh Hesheciah,
go ttáinic Senacherib Rígh na Has-
siria súas, a naghaidh uile chaithreach
daingean Júdah, agus gur ghabh sé iad.
2 Agus do chuir Rígh na Hassiria
Rabsaceh ó Lachis go Hierusalem go
an Rígh Hesheciah maille ré sluagh
mór: agus do sheas sé láimh ré píob
thobair an locháin úachdaraigh a slighe
mhóir mhachaire a núcaire.
3 Ann sin tháinic chuige amach Elia-
cim mhac Hilciah, noch do bhí ós ci-
onn an tighe, agus Sebna an scríbh-
neóir, agus Ioah mhac Asaph an
cuimhnightheóir.
4 Agus a dubhairt Rabsaceh ríu,
Abruidhsi anois ré Hesheciah, is marso
a deir an Rígh mór, Rígh na Hassiria,
cred é an daingeanso iona bhfuil do
dhóthchus.
5 A déarad, achd ís bríathra diomh-
aine iad, Atá comhairle agus neart
agumsa chum cogaidh: a nois cía ar a
bhfuil do dhóthchus, as a bhfuil tú ag
cogadh am aghuidhsi?
6 Féuch, dóthchusaigh tú a maide
giolcuighe briste, air a Négipt: noch
má luighionn duine air, rachas ann a
láimh, agus thollfas í: marsin atá Pha-
rao Rígh na Hégipte do gach áon
chuirios a dhóigh ann.
7 Acht má deir tusa riomsa, Atá ar
ndóthchus annsa Tighearna ar Ndía: nach
eision an té a rug Hesheciah a áite árda
agus a altóra leis, agus a dubhairt ré
Júdah, agus re Jerusalem, Adhorthaoi a
bhfiadhnuise na haltòrasa?
8 A nois ar a nadhbharsin guidhim
thú, tabhair braighde dom mhaighistirse
Rígh na Hassiria, agus do bhéara misi
dhuitsi dhá mhíle each: mas féidir lea-
chdsa marcshlúagh do chur orta.
9 Ciondus marsin iompochus tú
ar ccúl adhaigh áon chaiptín amháin
do na serbhíseachaibh is lugha ag mo
mhaighistir, agus chuirseas tú do
dhoigh annsa Négipt, ar son carbad
agus marcshluáigh?
10 Agus an ttáinic misi a nois a
níos gan an Tighearna a naghaidh na
tírese dá scrios? a dubhairt an Ti-
ghearna riom, Imthigh súas a naghaidh
na tíresin, agus scrios í.
11 Annsin a dubhairt Eliacim agus
Sebna, agus Ioah ré Rabsaceh: Guidhim
thú, labhair re do shearbhshoghan-
taibh san teangaidh Shírianta; óir
tuigmíd í: agus ná labhair rinn san
teangaidh Júduigh a cclúasaibh an pho-
bail, noch atá air an mballa.
12 Acht a dubhairt Rabsaceh, Nar
chuir mo mhaighistir misi chum do
mhaighistirsi

[illegible] agus chugadsa, do labhairt
[illegible]? nach ar chuir sé mé
[illegible] na ndaóine noch shuighios air an
[illegible], chor go níosaidís a notrach féin,
[illegible] go nibbthedis a mún féin maille
[illegible]?
13 Ann sin do sheas Rabsáceh, agus
[illegible] sé do ghuth árd san teangaidh
[illegible], agus a dubhairt: Eistighsi
[illegible] an Rígh mhóir, Rígh na Has-
[illegible].
14 Marso a deir an Rígh; Ná meal-
[illegible] Heseciah sibh, óir ní bhiáidh air
[illegible] bhur ccosnamh.
15 Agus ná tugadh Heseciah oruibh
[illegible] ann sa Tighearna, gha
[illegible], Saorfuidh an Tighearna sinn gan
[illegible]; ní sheachodar an chathairsi a
[illegible] Rígh na Hassiria.
16 Ná héistigh re Heseciah: oir
[illegible] marso a deir Rígh na Hassiria,
[illegible] réiteach riomsa maille re cu-
[illegible], agus tigidh amach chugam, agus
[illegible] gach aon aguibh dá fhînea-
[illegible], agus gach aon da chrann fíge,
[illegible] ibhidhsi gach áon aguibh uisge a
[illegible] féin.
17 Nó go ttí misi, agus go mbeiridh
[illegible] sibh go tír cosmhail re bhur
[illegible] féin, dúthaigh arbha agus fhío-
[illegible], dúthaigh aráin, agus lubhghort
[illegible].
18 [Bíthí ar bhur ccoimhéad] deagla
[illegible] Heseciah sibh, gha rádh,
[illegible] an Tighearna sinn: nar sháor
[illegible] do dhéibh na ccineadhach a dhú-
[illegible] a láimh Rígh na Hassiria.
19 Cáit a bhfuilid dée Hamat, & Ar-
[illegible]? cáit a bhfuilid dee Sepharbhaim?
[illegible] nar sháoradar Samaria as mo
[illegible]?
20 Cia iad a measg uile dhée na
[illegible] do sháor a ndúthaigh ás
[illegible] láimhsi, as a saorfadh an Tigh-
[illegible] Jerusalem as mo láimh?
21 Acht do thochdadarsan, agus níor
[illegible] áon fhocal dó: óir do bí
[illegible] an Rígh, gha rádh, Ná freag-
[illegible] é.
22 Annsin tháinic Eliacim mhac Hil-
[illegible], noch do bhí ós cionn an tighe, &
[illegible] an scribhneóir, agus Joah mhac
[illegible] an cuimhnightheóir go Heseciah
go na éaduighibh réubtha, agus dinn-
[illegible] dhó briathra Rabsáceh.

CAIB. XXXVII.

[illegible] Aingeal Dé 185000 Assirianach.
37 [illegible] a mhic fein, Senacherib.

AGus tárla a nuáir do chúala an Rígh
Heseciah sin, gur bhris sé a éadach,
agus dfolnigh sé é féin le saicéadach, &
do chuáidh sé go tigh an Tighearna.
2 Agus do chuir sé Eliachim, noch do
bhí ós cionn an tighe, agus Sebna an
scribhneóir, agus sinsir na sagart fol-
[illegible] le saicéadach, gus an bhfáidh,
[illegible] mhac Amos,
3 Agus a dubhradar ris, Is marso a
deir Heseciah, is lá buáidhteartha, agus
bagair, agus blasphémigh an láso; óir
thangadar na leinibh a náit a mbeirthe,
agur ní bhfuil neart ar a mbreith.
4 Do bféidir go ccluinfeadh an Tigh-
earna do Dhíase bríathra Rabsáceh, noch
do chuir Rígh na Hassiria a mhaighistir
do mhaslughadh an Dé bhí, agus go
naithbheoruidh sé na bríathra do chúala
an Tighearna do Dhíase; uimesin tóg
súas hurnaigh ar son a nfuighill do fág-
bhadh.
5 Marsin thangadar searbhfhoghan-
tuighe an Rígh Heseciah go Hisaiah.
6 Agus a dubhairt Isaiah ríu, Marso a
déarthaói ré bhur maighistir, is marso a
deir an Tighearna; ná bíodh eagla ort
ris na bríathruibh do chúala tú, ré ar
scannluighiodar searbhfhoghantuighe
Rígh na Hassiria misi.
7 Féuch, cuirfidh mé filleadh air, a-
gus cluinfidh sé tormán agus fill-
fidh sé dhá thír féin, agus do bhéara
mé air tuitim ris an ccloidheamh iona
thír féin.
8 Marsin dfill Rabsáceh, agus fuáir
sé Rígh na Hassiria ag cogadh a na-
ghaidh Libnah; oir do chúala sé gur
imthigh sé as Lachis.
9 Agus do chúaluidh sé dha rádh a
ttaóibh Thirhacah Rígh na Hetiopia,
Tháinic sé amach do chogadh riotsa:
agus a nuáir do chúala sé sin, do
chuir sé teachda go Heseciah, gha
rádh,
10 Is marso laibheorthaói ré Hese-
ciah Rígh Júdah, gha rádh, Ná mealladh
do Dhía iona bhfuil do dhóigh, thú, gha
rádh, Ní thiubharthar Jerusalem a láimh
Rígh na Hassiria.
11 Féuch, do chuala tú cred do
rinneadar Ríghthe na Hassiria ris a
nuile thír dá léirscrios, agus an saor-
fuighthear thusa?
12 Nar sháoradar dée na ccinea-
dhach an mhéid do scriosadar maithre-
se, Gósan, agus Háran agus Reseph,
agus clann Eden, noch do bhí a
Dtelassar?
13 Cáit a bhfuil Rígh Hamat, a-
gus Rígh Arphad, agus Rígh caithreacha
Sepharbhaim, Hena, agus Hibhah?
14 Agus do ghlac Heseciah an
litir as láimh na tteachdadh, agus do
léigh sé í; agus do chuáidh Heséciah
súas go tigh an Tighearna, agus
do leathnuigh sé í a bhfiadhnuise an
Tighearna.
15 Agus do ghuidh Heseciah chum
an Tighearna, gha rádh,
16 O a Thighearna na slógh Día Is-
rael, noch áitreabhus edir na cherubí-
migh, is tu an Día, thúsa féin amháin, do
uile ríoghachdaibh na talmhan, is tú do
rinne neamh agus talamh.
17 Cláon do chlúas, a Thighearna, &
cluin; oscail do shúile, a Thighearna,
agus

agus faic: agus éift uile bhriathra
Shennacherib, noch do chuir éadh do
fcannlaghadh an Dé bhí.
18 Go firinneach a Thighearna, do
rinneadar Ríghthe na Hafſiria fáfach do
na huile chineadhachaibh agus dá ttior-
thaibh.
19 Agus do theilgeadar a ndée annfa
teine: óir níor dhée iad, acht obair
lámh daóine, crann agus cloch; uimefin
do fgriofadar iad.
20 A nois ar a nadhbharſin, a Thi-
ghearna ar Ndía, fáor finn ó na láimh,
chor go mbía a fhios ag uile ríoghachá-
aibh na talmhan gur tú an Tighearna,
thufa féin amháin.
21 Ann fin do chuir Ifaiah mhac A-
mos fios chum Hefeciah, gha rádh, Is
marfo a deir an Tighearna, Dia Ifrael, a
náit ar ghuidh tú mé a naghaidh She-
nacherib Rígh na Hafſiria:
22 Ag fo an focal do labhair an Tigh-
ghearna dhá tháobh, do tharcuifnigh an
mhaighdion inghean Sion thú, agus do
rad gáir fhochmhuide fád, do chroith in-
ghean Jerufalem a ceann ort.
23 Cia fcannluigh tú, agus cía mhaf-
luigh tú, agus cía a naghaidh ar árduigh
tú do ghuth, agus ar thóg tú do fhúile
fúas go hárd? eadhon a naghaidh aóin
náomhtha Ifrael.
24 Le do fhearbhfhoghantuibh do mhaf-
luigh tú an Tighearna, agus a dubhairt
tú, Lé hiomad mo charbad tháinic mé a
níos go hárd na fliabh, go himlibh Leba-
non, & géarrfa mé fíos crainn árrachda
ceudair, agus togha a ccrann giumhuis:
& rachaidh mé a mullach a théorann,
agus a bhforaóis a Charmel.
25 Do thochail mé, & dibh mé uifge,
& le bonn mo choife do thiormuigh mé
fúas uile fhrotha an daingin.
26 Nach ccúalaidh tú fada ó fhin cion-
nus do rinne mifi é, & ó na feanaim-
fearuibh ciondus do chum mé é? & a nois
do chríochnuigh mé é, chor go mbeitheáfa
ag déanamh fáfaidh do chaithreachaibh
daingne na ccárnuibh folmha.
27 Uimefin do bhádar a náitreabh-
thuigh ar bheagán neirt, do lagadh a-
guſ do hainbhfáinneadh iad: do bhádar
amhuil féur na táighthe, & mar an luibh
nglais, mar an bhféur ar mhullach na
ttightheadh, agus mar ghort fféidthe fuil
fhafas fé fúas.
28 Acht ata fios do chomhnuighe
agamfa, agus do dhul amach, agus
do theachda a fteach, agus do chuthach
am aghaidhfi.
29 Do bhrígh go ttáinic do chuthach
am aghaidh, agus do bhnaidhreadh fúas
am chlúafaibh: uimefin cuirfe mé mo
dhubhán ann do fhróin, agus mo fhrian
ann do bhéul, agus filfe mé ar hais thú
annfa tflighe iona ttáinic thú.
30 Agus biáidhfo na chomhartha agad,
íofaoi an bhliadhainfi an ní fhafas úa-
dha féin, agus an dara bliadhain an ní
fhafas de fin, agus an treas bliadhain
fíolchuiridh, agus buainidh, agus plan-
duighidh fíneamhna, agus ithidh a to-
radhfan.
31 Agus an fuighioll fhuigfighear do
thigh Júdah géabhuid a rís fréamh fís,
agus do bhéaraid toradh fúas.
32 Oír rachaidh fuighioll amach ó
Jerufalem, agus an dul as ó [illegible]
Sion: do dhéana teafghrádh Thighearna
na flógh fo.
33 Uime fin is marfo a deir an Tigh-
earna a ttáobh Rígh na Hafſiria, Ní
ucfa fé don chathruighfi, ní chaithfe
fe foighiod innte, agus ní thiucfa fé na
coinne le fcíathaibh, agus ní thógfa
fé cladh re na haghaidh.
34 Annfa tflighe iona ttáinic fé,
annfa tflighe chéadna fhillfios fé, agus
ní thiucfa fé don chathruighfi, a deir an
Tighearna.
35 Oír cuimhdeochuidh mifi an chath-
airfi, dá dídean ar mo fhon féin, agus
ar fon mo fheirbhifigh Dáibhi.
36 Annfin do chuáidh aingeal an Ti-
ghearna amach, & do bhuail fé a mbé
longphort na Naſſírianach, céud ceithre
fithchid agus cúig mhile: agus a [illegible]
do éirgheadar go moch ar maidin, do
bhádar uile na ccorpuibh marbha.
37 Marfin dimthigh Sennacherib
Rígh na Hafſiria, agus do ghluais agus
dfill fé, agus do rinne fé comhnuidhe a
Ninibheh.
38 Agus tárla mar do bhí fé ag adh-
radh a ttigh Nifroch a dhía, gur bhuail
Adramelech, & Sarefer a mhic é le a
ccloidheamh; agus dimthigheadar go
crích na Harménia, agus do ríoghaigh
Efarhadon a mhac iona áit.

C A I B. XXXVIII.

Hefeciah ar fagbháil a fhláinte, 9 tug fé do Dhía buidheachas.

ANſna láethibhfi do bhí Hefeciah tinn
chum báis, agus tháinic an fáidh
Ifaiah mhac Amos chuige, agus a
dubhairt ris, Marfo a deir an Ti-
ghearna, cuir do thigh a nórdughadh;
óir do ghéabhá tú bás, agus ní mhairfe
tú.
2 Ann fin dfill Hefeciah a aghaidh
leath ris an mballa, agus do ghuidh fé
chum an Tighearna.
3 Agus a dubhairt, Cuimhnigh a
nois, a Thighearna, guidhim thú, mar
do fhiubhuil mé ann thfiaghnuife a bhfír-
rinne, agus maille ré croidhe iomlán
agus go ndéarna mé an ní is maith
ann do radharc; agus do ghuil He-
ciah go géur.
4 Annfin tháinic briathar an Tigh-
earna go Hifaiah, ga rádh.
5 Imthigh, agus abair re Hefeciah,
mar fo a deir an tighearna Dia Dháibhi
hathar; do chúala mé do ghuidhe, do
chonnairc mé do dhéora: feuch, cuir-
fidh mé a cionn do láetheadh, cúig
bliadhna déug.
6 Agus

6 Agus saorfa mé thú féin, agus an [illegible] as láimh Righ na Hassiria a-
[illegible] mé an chathairsi.
7 Agus biáidh so na chomhartha agad
[illegible], go ndéana an Tighear-
[illegible] so a dubhairt sé.
[illegible], do bhéara mé a rís sgáile
[illegible] do chuaidh sios don
[illegible] a ccéimibh Ahas, deich ccéi-
[illegible] ais. Annsin d'fill an ghrí-
[illegible] ccéime réir na céimibh lé a
[illegible] sios.
9 [illegible] Heseciah Righ Júdah a
[illegible] do bhí sé tinn, agus déirghidh sé ó
[illegible]
10 A dubhairt misi, A ngearradh mo
[illegible], rachaidh mé go geatadhuibh
[illegible]: do beanadh an chuid oile
[illegible] dhiom.
11 A dubhairt mé, Ni fhaicse mé an
[illegible], eadhon an Tighearna a
[illegible] mbéo: ní fhaicfidh mé duine
[illegible] maille ré háitreabhachaibh
[illegible].
12 Dimthigh máitreabhadh, agus
[illegible] uáim í mar lóistín
[illegible]: do ghearr mé amhuil figh-
[illegible] mo bheatha: gearrfa sé amach
[illegible] re tinnios fadálach: ón
[illegible] a noidhche chuirfios tú dei-
[illegible]
13 Do chomháir mé go maidin,
[illegible] leomhan brisfe sé mo chnámha
[illegible] ló gus a noidhche chuirfios tú
[illegible] liom.
14 [illegible] corr nó áinleóg is mar-
[illegible] mé, dosnuigh mé
[illegible]: do bhí mo shúile
[illegible] a náirde; a Thighearna,
[illegible] mo fhárughadh, gabh do láimh
[illegible]
15 Cred a déara mé? do labhair
[illegible] riom, agus isé féin do rinne
[illegible]: imeochaidh mé go mín
[illegible] mo uile bhliadhan a fear-
[illegible]
16 O a Thighearna, is leis na
[illegible] mhairid daóine, agus ann-
[illegible] uile atá beatha mo
[illegible]; léoso thárthochuis tú
[illegible] do bhéara tú orum mar-
[illegible]
17 [illegible], arson siodhchana fu-
[illegible] searbhus mór, acht ar
[illegible] anma do shaor tusa é ó
[illegible] truáillighthe: óir ro theil-
[illegible] mo pheacuidhe uile táobh shíos dot
[illegible]
18 Oir ní fhéadann a nuáigh do
[illegible], ní fhéadann an bás do mhó-
[illegible]: ní fhéadann an drong théid
[illegible] sa pholl dóthchusuigh ann thfi-
[illegible]
19 An béo, an béo, molfa sé thú
[illegible] do nímsi a niugh: agus foillseoch-
[illegible] tathair thfírinne don chloinn.
20 Do bhí an Tighearna ullamh
[illegible] mo shlánughadh: uimesin canfam ar
ccaintice uile láethe ar mbeatha a
ttigh an Tighearna.
21 Oír a dubhairt Isaiah, Glacai-
dís meall figeadh, agus leagaidís mar
cheirín ar an neascóid é, agus mair-
fidh sé.
22 A dubhairt fós Heseciah, Cred é
an comhartha le a racha mé súas go
tigh an Tighearna.

C A I B. XXXIX.

Peacadh Heseciah, 6 a smacht, 8 & a aithreachus.

ANSa namsin do chuir Merodach Ba-
ladain mhac Baladan Righ na Babi-
lóine litreacha agus preasánta go Hese-
ciah: óir do chúala sé go raibh sé tinn,
agus go ttáinic sé as.
2 Agus do bhí Heseciah lúathgháireach
rompa, agus do thaisbéin sé dhóibh tigh
a shéud mórluáigh, an tairgiod, agus
an tór, agus na spíosra, agus a nola
mhórluáigh, agus tigh a shoightheach
uile, agus a nuile ní dá raibh iona ionn-
mhusaibh: ní raibh aoinní ann a thigh,
nó ann a thighearnus uile nach ar thais-
béin Heseciah dhóibh.
3 Annsin tháinic Isaiah an fáidh gus
an Rígh Heseciah, agus a dubhairt ris,
Cred a dubhradar na daóinesi? agus
cáit as a ttangadar chugadsa? agus a
dubhairt Heseciah, Thangadar as tír im-
chéin chugam, eadhon ón Bhabilóin.
4 Annsin a dubhairt seision, Cred do
chonncadar ann do thigh? agus do
fhreagair Heseciah, Do chonncadar a
nuile ní dá bhfuil ann mo thigh, ní
bhfuil aoinní a measg mionnmhuis, nach
ar thaisbéin mé dhóibh.
5 Annsin a dubhairt Isaiah re He-
seciah, Eist briathar Thighearna na
slógh.
6 Féuch, tiocfuid na láethe iona
mbéarthar a bhfuil an do thigh, agus
ar chuireadar haithre súas a sior gus an
ló a niugh, don Bhabilóin, ní fhuighfigh-
ear aóinní, a deir an Tighearna.
7 Agus béaruid leo cuid dot mha-
caibh, noch thiucfas uáit, noch ghinfeas
tú, agus béid na ccaillteanachuibh a
bpáilis Righ na Babilóine.
8 Annsin a dubhairt Heseciah re
Hisaiah, Is maith briathar an Tighear-
na, noch do labhair tusa: agus a du-
bhairt sé, óir biáidh síothcháin agus fí-
rinne ann mo láethibhsi.

C A I B. XL.

Tairrgir air aimsir Chríosd & an Tsoisgeil, 3 lé reamhghairm Eoin Bhaiste.

MEisnighidh sibh, meisnighibh sibh mo
phobal, deir bhur Ndia.
2 Labhruidh go meisneamhuil ré Hie-
rusalem, agus fuagruidh dhi gur críoch-
nuigheadh a cogadh, gur maitheadh a
héigceart: óir do ghlac sí as láimh an
Tighearna díol dúbalta ar son a huile
pheacaidh.

3 Guth

3 Guth an té fhúagras ann sa bhfá-
sach, Gléasuidh slighe an Tighearna:
déanaidh díreach ansa díothramh slighe
mhór dar Ndía.
4 Airdeochthar gach uile ghleann, a-
gus ísleochthar gach sliabh, agus gach
cnoc: agus do dhéantar an cam díreach,
agus na háite garbha mín.
5 Agus foillseochar glóir an Ti-
ghearna, agus do chífidh a nuile fheóil
é a néainfheachd: óir béul an Tighear-
na do labhair é.
6 A dubhairt an guth, Fúaguir: a-
gus a dubhairt seision, Cred fhuaigeo-
ras mé? Is féur a nuile fheoil, agus
atá a mhaith uile mar bhláth an mha-
chaire.
7 Críonuidh an féur, searguidh an
bláth: do bhrígh go séidionn spiorad an
Tighearna air.
8 Críonuidh an féur, searguidh an
bláth, achd seasfuidh bríathar ar Ndé
go bráth.
9 A Shíon, noch do bheir leachd scéu-
la maithe, éirigh súas air a tsliabh árd;
a Jerusalem do bheir scéula maithe
leachd, tóg súas do ghuth maille re
neart: tóg súas é, ná bíodh eagla
ort: abair re caithreachaibh Júdah,
Féuchaidh bhur Ndía.
10 Féuch, tiucfuidh an Tighearna
Día lé [láimh] láidir, agus riaghloch-
uidh a rígh ar a shon; féuch, atá a
luáidheachd maille ris, agus a obair
roimhe.
11 Beathochuidh sé a thréud amhúil
aodhaire, cruinneochaidh sé na húain le
na láimh, agus iomchoruidh sé iona ucht
íad, agus tiomáinfidh go mín an chuid
iona mbí úain.
12 Cía thomhais na huisgeadha a
cclár a dhéarnainne, agus do dhírigh
amach neamh lé réis, do chruinnidh lu-
áithreadh na talmhan a miosur, agus do
chomhthromuigh na sléibhte a gcomh-
throm & na cnoic a sgála?
13 Cía dhírigh spiorad an Tighear-
na, nó ar mbeith na chomhairleach aige,
cía mhúin é?
14 Cía ré a ndéarna sé comhairle?
agus cía theagaisg é? agus do mhúin é
a ccasán an bhreitheamhnuis? agus do
mhúin éolus dó, agus do thaisbein dó
slighe na tuigse?
15 Féuch, atáid na cineadacha amhail
bráon buicéid, agus atáid ar na meas,
amhuil luáithreadh beag an scála:
Féuch, tógbhuidh sé súas na hoiléin mar
ní ro bheag.
16 Agus ní lór Lebanon ré a
losgadh, agus ní lór a bheathuigh mar
ofrail loisge.
17 Is neimhní na cineadhach uile dá
lathair, agus meastar leision íad ní sa
lugha ná neimhni, agus díomhaóineas.
18 Marsin cía ré saimhleochuidhe Día?
nó cía an chosamhlachd chuirfidhe iona
choimhmeas?
19 Leaghaidh an fear oibre íomháigh
ghreanta, agus folchaidh céard a nór
timchioll le hór, agus teilgidh sé slabh-
radha airgid.
20 An té bochtuighthear mar sin
ionnus nach bhfuil ofráil aige, toghuidh
sé crann nach lobhann: íarraidh sé
chuige oibrigh glic dullmhughadh íomh-
áighe greanta nach ccorrochthár.
21 Nach fios daóibhsi? nach cúa-
labhair? nach ar hinnseadh dhíbh ó
thosach, nach ar thuigeabhair ó bhun-
tibh na talmhan?
22 An té shuidhios ar rotha na tal-
mhan, agus atáid áitreabhthuigh sí
amhuil dreoláin teasbhuidh; noch leath-
nuighios amach na neamha amhuil cúir-
tín, agus shreathnuighios amach íad amh-
uil páilliúin do dhéanamh comhnuighe,
23 Noch do bheir na prionnsadha a
neimhní, do ní sé breitheamhuin na tal-
mhan amhuil díomhaóineas.
24 Fós ní planndochthar íad, ní fíol-
chuirfighear íad; fós ní ghéabhuidh a
mbun fréumh annsa talamh: & séidfidh
sé fós orra mar an ccéadna, agus críon-
fuid, & béaruidh an ghaóth ghuairdéain
lé íad amhuil connlach.
25 Ar a nadhbharsin, cía ré saimhle-
ochtháoi misi, nó cía re a mbíad cos-
mhail, a deir an táon naomhtha?
26 Tógbhuigh súas bhur súile go
hárd, agus féuchaidh cía do chruthuigh
na neithesi, noch do bheir a slógh amach
le háireamh: goiridh sé uile íad ar a
nanmannaibh le méud a chumhachd,
óir atá sé láidir a ccumhachdaibh, ní
fhaillighionn áon é.
27 Cred fá nabair tusa, a Jácob,
agus a labhrann tú, a Israel, atá mo
shlighe a bhfolach air an Ttighearna,
agus do chuáidh mo bhreitheamhnus
thairis óm Dhía?
28 Nach raibh a fhios agad? nach
ccúala tú, nach lagaidhthear an Día
síorruidhe, an Tighearna cruthaightheóir
théorann na talmhan, agus nach coir-
thior é? ní bhfuil scrúdagh ar bith
air a thuigsin.
29 Do bheir sé cumhachda do na-
bhfann, agus don droing ag nach bí
neart, méuduighidh sé neart.
30 Laigeochthar fós na hogánaigh,
agus béid coirthe, agus tuitfid na
hóigfhir thríd amach.
31 Acht an drong fheithios air an Ti-
ghearna, athnúadhuighid síad a neart;
éreochuid súas le sciathánuibh amhail
iolair, riothfaid síad & ní bhéid coirthe,
& siubholuid, & ní bhéid síad anbhfann.

CAIB. XLI.

Bíodh gur beag tréud Israel, 10 neartochaidh Día iad.

TOchduighidh dom láthair,
sibhsi a oiléana, agus athnúa-
dhaidís na daoine a neart: tig-
dís a ccomhfhogus, labhraidís annsin:
tigeam

[illegible] a bhfogus a naóinsheachd chum
[illegible].
2 Cia thóg súas an firéan ó noirthear?
[illegible] chum a choise é, thug na ci-
[illegible] dá lathair, agus thug air ría-
[illegible] ós cionn Ríghthe? thug sé íad
[illegible] luáithreadh dha chloidheamh,
[illegible] chonnlach teilgthe, dha bhogha.
3 Do lean sé íad, agus dimthigh sé
[illegible] eadhon annsa tslighe, ann nar shiu-
[illegible] sé le na chosaibh.
4 Cia doibrigh agus do rinne é, ag
[illegible] fleachdan ó thosach? misi an
[illegible] céadna, agus leis a ndeighio-
[illegible] is misi é.
5 Do choncadar na hoileáin sin, &
[illegible] eadar ris, do bhádar corra an
[illegible] eaglach, do thairngiodar a ngar
[illegible] thangadar.
6 Do chuidigh gach áon aca le na
[illegible] foin, agus a dubhairt gach aon
[illegible] na dhearbhrathair, Bi meis-
[illegible].
7 Marsin thug an saor meisneach do
[illegible] a nóir, agus an té mhínighios leis
[illegible] don té bhuáileas a ninneóin,
[illegible], Atá sé réidh chum táthuighe:
[illegible] do dhaingnidh sé é lé tairngibh,
[illegible] nach ccoirreochthaói é.
8 Acht is tusa, a Israel mo shear-
[illegible] tuighe, Jácob noch do thogh
[illegible] síol Abraham mo chara.
9 Thusa noch thug mé ó chorruibh
[illegible], agus do ghoir mé thú ó na
[illegible] oirdhearca, agus a dubhairt
[illegible]: Is tú mo sheirbhíseach: do thogh
mé thú & níor theilg mé seachad thù.
10 Ní bíodh eagla ort, óir atáimsi
[illegible] riot: ná bí laigbhrígheach, óir
[illegible] misi do Dhía: neirteochuidh mé thú,
[illegible] cuideocha mé leachd, cuinneocha
[illegible] súas thú le láimh dheis mo cheirt.
11 Féuch, náireochar agus claóidh-
[illegible] íad uile noch do las ad aghaidh:
[illegible] síad amhuil nemhní, agus díogh-
[illegible], an mhéid throidsios riot.
12 Járfa tú íad, agus ní bhfuighe tú
[illegible] eadhon an drong do cheannairg ri-
[illegible] biáidh an lucht do chogaidh ad a-
[illegible] amhuil nemhní, agus mar ní gan
[illegible].
13 Oir misi an Tighearna do Dhía cho-
[illegible] do límh dheas, ghá rádh riot,
Ní [illegible] eagluidh, cuideochuidh mé leachd.
14 Ná heagluidh, thusa a chnuimh Jácob,
[illegible] sibhsi a phobal beag Israel: cuideo-
[illegible] mé libhsi, a deir an Tighearna &
do fhlánaightheóir, áon náomhtha Israel.
15 Féuch, do dhéana mé dhíot núadh-
[illegible] bhuáilte agá mbéid fíacla:
[illegible] tú na sléibhte, agus buáilfe tú go
[illegible] íad, agus do dhéana tú na cnoic
[illegible] caith.
16 Cáithfidh tú íad, béaruidh an gha-
[illegible] lé íad, & cráoblhsgaóilfe an ghaoth
[illegible] íad: agus gáirdeochuidh
[illegible] annsa Tighearna, agus do dhéana
[illegible] glóir a níon náomhtha Israel.

17 A nuáir íarrfuid na boicht, a-
gus na ríachdanuigh uisge, agus nach
bía sin ann, agus go bhfailleochuidh
a tteanga lé tart, cluinfidh misi an
Tighearna íad, misi Día Israel ní
thréigse mé íad.
18 Osceoluidh mé aibhne a náitibh
arda, agus toibreacha a lár na ngleann:
do dhéana mé lochán uisge do nfá-
sach, agus tiobruide fíoruisge do nsea-
rann thirim.
19 Plainndeocha mé na Séadair ann-
sa bhfásach, an crann Sittah, agus an
Mirtle, agus an crann ola: cuirfe mé
annsa díothramh an crann giumhais,
agus an pinan, agus an crann bocsa a
naóinsheachd:
20 Iondus go bhfaicfid, agus go nai-
theonuid, agus go measfuid a naóin-
sheachd gur bí lámh an Tighearna
do rinne so, agus gur bé áon náomhtha
Israel do chruthaigh é.
21 Tabhruidh bhur ccúis a lathair,
ar san Tighearna: tugaidh air bhur
ndáoine teachd a ngar, ar sa Rígh Jácob.
22 Tigedis, agus foillsighedis dhúinn
cred theigeomhus ann: taisbeanaidis
na céaidneithe cred íad féin, chor go
measfuim íad, & go mbía fios a ccríche
deighionuighe aguinn: nó foillsighedis
dúinn na neithe atá ag teachd.
23 Taisbeanuidh na neithe atá ag
teachd na dhiáigh so, agus biáidh a
fhios aguinn gur dée sibh: déanaidh fós
maith, nó déanaidh olc, marsin úamhnui-
gheam, agus chífeam a naóinsheachd.
24 Féuchuidh, ní bhfuil ionnuibh acht
neimhní, & bhur nobair gan tábhachd:
is adhfúathmhar an té thoghas sibh.
25 Do thog misi áon súas as an
ttuáisceart, agus tiucfa sé: ó éirghe
gréine ghoirfios sé air mainmsi, agus
tiocfa sé air phrionnsadhuibh amhuil
ar mhoirtéur, agus amhuil shaltras fear
déanta na bpotadh, an chríaidh.
26 Cia fhoillsigh ó thosach, chor go
mbía a fhios aguinne? agus roimhe a
naimsir, chor go naibéoraidís, Atá sé
fíreúnta? aseadh ní bhfuil aon thaisbea-
nas, ní bhfuil áon fhoillsighios, fós ní
bhfuil áon éistios bhur mbríathra.
27 Déara an céidfhear re Sion, Féuch,
féuch íad, agus do bhéara misi do Je-
rusalem áon, noch do bhéuras scéula
maithe léis.
28 Oir dféuch misi, agus ní raibh
duine ar bith iona measc, agus ní raibh
comhairleach ar bith, noch a nuair do
fhíafruigh mé, do fhreagradh focal.
29 Féuch, atáid síad uile na ndío-
mhaóineas, is neimhní a noibreacha:
is gáoth, agus is eadarbhuáis a níomh-
áighe leaghtha.

C A I B. XLII.

Teachd Josa Críosd, 2 le Trócaire, 13 & le Mórdhacht.

Féuch

Féuch, mo sheirbhíseach, noch gabh-
uim orum, mo rogha ann a bhfuil
dúil manma: do chuir mé mo spiorad
air, do bhéara sé breitheamhnus amach
chum na ngcinteadh.
2 Ní dhéanaidh sé éimhghe, ní thóig-
fe sé súas, agus ní thiubhra fa deara a
ghuth do chluinsion annsa tsráid.
3 Ní bhrisfe sé giolcach brúite, & ní
mhúchfa sé an líon deatamhuil: do bhéa-
ra sé breitheamhnus amach chum firinne.
4 Ní shailleochadh sé, agus ní bhiáidh
sé meata, nó go ccuiridh sé breitheamh-
nus annsa talamh: agus feithfidh na hoi-
léin ar a dhligheadh.
5 Is marso a deir Día an Tighearna,
An té do chruthaigh na neamha, agus
do shín amach iad; an té do shreath-
nuigh amach an talamh, agus an ní thig
amach as, an té do bheir anál do na
daoinibh air, agus spiorad don mhéid
shiubhluighios ann.
6 Misi an Tighearna do ghoir thú a
bhfíréantachd, agus coinneocha mé do
lámh, agus coimhéadfad thú, agus do bhéa-
rad thusa mar chunradh don phobal,
mar sholus do na geintibh.
7 Dfosgladh na súl ndall, do tha-
bhairt na bpríosúnach amach as an bprío-
sún, & na muintire shuidhios a ndorcha-
das amach as tigh an phríosúin.
8 Is misi an Tighearna, sé sin mainm
agus ní thiubhra mé mo ghlóir do neach
rinne tú cunradh riúſan, do ghrádhuigh
tú a leaba, mar a bhfaca tú a náit.
9 Agus do chuáidh tú a gcionn an
Rígh lé hola, agus do mhéaduigh tú
do dheaghbholtuidh, agus do chuir tú
do theachta a bhfad uáit, agus dui-
ſligh tú thú féin go hifrionn.
10 Atá tú coirthe ó mhéud haſtair;
gidheadh ní abair tú, Ní bhfuil dóthchus
ar bith: fuáir tú beatha do láimhe;
[illegible]

[illegible] sin ní raibh tú doilghiosach.
11 Agus cia roimhe agá raibh úa-
[illegible] ort, nó dimeaghuigh thú, as a
[illegible] tú bréag, agus nach ar chuimh-
[illegible] tú misi, agus nach ar chuir tú
[illegible] do chroidhe é? nach ar thochd
[illegible] fós re fada, agus níor eagluidh
[illegible] romham?
12 Foillseochuidh mé thfireantachd,
[illegible] hoibreacha, óir ní thairbheochuid
[illegible] dhuit.
13 A nuáir éighfios tú, tárthuighidís
[illegible] chompánuigh thú: acht beara an
[illegible] ar siubhal iad, béara an dio-
[illegible] air siubhal iad: acht seal-
[illegible] an té chuirios a dhóigh ionn-
[illegible] an dúithche, agus do gheabhuidh
[illegible] mo shléibhe náomhta.
14 Agus a déaruid, Teilgidh súas,
[illegible] súas, ullmhuighidh an tslighe,
[illegible] an ceap tuisleighe as slighe mo
[illegible].
15 Óir is marso a déaruidh an táon
[illegible] uachdarach, noch áitreabhus a siorr-
[illegible], darab ainm Náomhtha, áit-
[illegible] ann sa náit áird & náomhtha,
[illegible] maille ris an té atá do spioruid
[illegible] agus umhail, daith-
[illegible] spioraide na numhal, agus
[illegible] croidhe na druinge
[illegible] comhmbrúighte.
16 Óir ní cheannairgfidh mé go sior-
[illegible], ní mó bhías mé a ccomhnuidhe
[illegible]: óir dfailleochadh an spiorad
[illegible], agus na hanmanna noch do
[illegible] mé.
17 Arson éigceart a shainte iseadh
do bhí mé feargach; agus do bhuáil mé
é; dfoluighios mé féin, & do bhí mé
[illegible], agus do chuáidh seision ar
[illegible] go dona a slighe a chroidhe.
18 Do chonnairc mé a shlighthe, agus
[illegible] mé é; tréorochuidh mé é
[illegible] agus aiseoga mé comhfhurtachda
[illegible] féin agus dá chaóinteachaibh.
19 Cruthuighim toradh na bpuisineadh;
[illegible], siothcháin don tí bhíos a
[illegible], agus don tí atá bhfogus, a
[illegible] an Tighearna, & leigheosuidh mé é.
20 Acht is cosmhuil na ciontuigh ris
[illegible] bhuaidheartha, a nuáir nach
[illegible] sí suaimhneas do dhéanamh,
[illegible] a huisgeadha súas salchar agus
[illegible].
21 Ní bhfuil síothcháin ar bith ag na
[illegible], a deir mo Dhiasa.

CAIB. LVIII.

*[illegible] an deagh Sheanmontuighe, ó &
an deagh Throsgadh.*

Eigh go hárd, ná coigil, tóig súas
do ghuth amhuil stoc, agus tais-
[illegible] don phobal a sárughadh, agus do
[illegible] Jácob a bpeacuidhe.
2 Thairis sin iarrruid siad go laéthea-
[illegible], & dúilighid a néolus mo shlígh-
[illegible], amhuil cineadh do rinne ionn-
[illegible], & nár thréig órdughadh a Ndé:
[illegible] siad orumsa breitheamhnus an
cheirt, bí dúil aca teacht a ngar do
Dhía.
3 Cred fár throisgeamar, a deirid
siad, agus nach bhfaiceann tusa? créd
fár phianamar ar nanam, agus nach
bhfeadair tusa? féuch a ló bhur ttroisge
do gheabhthaoi sólás, & iarrfuighe go
géar bhur bhfiacha uile.
4 Féuch, troisgtí ar son imreasna, &
ceannairge, agus do bhualadh le dórn
go hurchóideach, troisgthí mar do
nithí annsa losa, do dhéanamh bhur
ngotha chluinsion go hárd.
5 A ne a leitheid sin do throsgadh
do thogh misi; lá don duine do smach-
tughadh a anma? a né do chromadh a
chinn sios amhuil buigshibhinn, agus do
leathnughadh saicéaduigh & luáithrigh
faói? an ngoireann tú trosgadh dhe so,
agus lá taitneamach don Tighearna?
6 Nach é so an trosgadh do thogh
misi, do sgaoileadh cuibhreach a nuilc,
déattromadh na nualach ttrom, agus go
mbriseadh sibh gach uile chuibhreach?
7 Nach chum haráin do roinn ar na
hocrachaibh, agus go ttugthá dot thigh
na boicht air seachrán? a nuáir do chífe
tú an tárrnochd, go bhfoileocha tú é,
agus nach bhfoileocha tú thú féin ód
fheoil féin?
8 Annsin bhrisfios do sholus amach
mar an maidin, agus sginnfidh do
shláinte amach go luath; agus rachaidh
hionnracus romhad, cruinneochuidh glóir
an Tighearna thú.
9 Ann sin ghoirfios tú, agus freago-
ruidh an Tighearna; éighfidh tú, agus a
déara seision, Atáim annso: má chuirionn
tú uáit as do lár an chuing, cuir amach
an mhéir, agus labhairt díomhaóinis;
10 Agus má thairngionn tú hanam
amach do nocrach, agus go saiseocha tú
an tanam deireóil: annsin éireochuidh
do sholus annsa dorchadus, agus biaidh
do dhorchachd amhuil meadhón an laói.
11 Agus tréorochuidh an Tighearna
thú a ccomhnuidhe, & sasuidh sé hanam
a ttiormach, agus do dhéana se do
chnámha méith: & budh cosmhuil thú
re gáirdín ar na fhliuchadh, agus cos-
mhuil re tobar fioruisce nach bhfáilli-
ghid a uisgeadha.
12 Agus áitreochuid daóine uait na
seanáite fasuigh: tóigfe tú súas bunáite
mhóráin ginealach: & goirfighear dhiot
Fear leasuighthe an bhriste, fear aisigthe
na slightheadh, dáitreabh ionta.
13 Má fhilleann tú do chos ón tsaóire,
do dhéanamh do thoile ann mo ló saóire-
si, agus go ngoirfe tú áoibhneas don
tsaóire, lá náomhtha onórach an Tigh-
earna, agus go nonórfa tú é, gan do
shlighthe féin do dhéanamh, nó haoibh-
neasa féin dfagháil, nó gan do bhriathra
[féin] do labháirt;
14 Annsin bhías háoibhneas annsa Ti-
ghearna, agus do bheara misi ort mar-
cuigheachd do dhéanamh ar áitibh árda

 na

na talmhan, agus beathocha mé thú a
noighreachd Jacob bathair; oir do la-
bhair béul an Tighearna é.

CAIB. LIX.

*Ata neart-slánaidh Dé ionann do ghnà, 2
mina toirmisc peacadh damanta an duine é.*

FEuch, nior giorruigheadh lámh an
Tighearna, as nach bhféadann sé
tartháil, agus ní trom a chlúas, as
nach bhféadann cluinsion.

2 Acht do rinne bhur cciontasa dealughadh idir sibhsi agus bhur
Ndía, agus dfoluigheadar bhur bpeac-
uidhe a aghaidh uáibh, go nach ccluin-
fidh sé.

3 Oir do salchadh bhur lámha lé fuil,
agus bhur méir lé héigceart: do labh-
radar bhur bpuisinigh bréaga, do
smúaineadar bhur tteangtha urchóid.

4 Ni ghoireann áonduine ar cheart
& ní thagrann aoinneach ar son firin-
ne: dóthchusuighid siad a ndíomhaóineas,
agus a deirid bréaga; tionnscnuid diogh-
bháil, & beirid amach éigceart.

5 Do bhrisiodar uighe an chocatrís,
agus dfigheadar líonradh damháin
alluigh: an té ithios dá nuighibh éu-
guidh sé, agus an ní bhrúightear, brisigh
sé amach na aithir nimhe.

6 Ni bhéid a líonta na néuduighibh,
ní mo fhoileochuid siad iad féin le na
noibreachaibh: is oibreacha éigceirt a
noibreacha, & atá gníomhradh foiréi-
gin iona lámhuibh.

7 Riothuid a ccosa chum uilc, agus
do níd deithnios do dhórtadh fola
neimhchiontuigh; is smuáintighthe uilc
a smuáintighthe, atá fásughadh & aidh-
mhilleadh iona slighthibh.

8 Ni haithnid dóibh slighe na síoth-
chána, agus ní bhfuil breitheamhnus ar
bith iona nimtheachduibh: do rinnea-
dar dhóibh féin slighthe cama; gidh bé
théid annsin, ní bhía fios síothchána
aige.

9 Uimesin atá breitheamhnus a bhfad
uáinne, agus ní bheirionn an ceart or-
uinn: feithmid ar sholus acht féuch dor-
chadus; feithmid ar dhéalradh, acht
siubhluighmid a ndorchadus.

10 Do nímid sméarracht ar na ball-
aibh amhuil daila, agus do nímid sméar-
racht mar nach beidís súile aguinn:
tuislemid annsa meadhon laói mar a
noidhche, atámuid a náitibh uáigneacha
amhuil daóina marbha.

11 Nuallamuid uile amhuil math-
ghamhna, agus gubhamaoid go doiligh
amhuil columa, atá ar lúil ré breith-
eamhnus, acht ní bhfuil ar fagháil; ar
son tárthala, atá sí a bhfad uáinn.

12 Oir atáid ar ccionta ar bhfoir-
líonadh ad láthairsi, agus fiaghnuighid
ar bpeacuidhe ar naghaidh; óir atáid
ar sáruighthe maille rinn, agus ar son ar
néigceirt, is aithnid dúinn iad:

13 A sárughadh, agus a mbréagaibh
a naghaidh an Tighearna, agus a nim-
theachd ar siubhal ó ar Ndía, ag lab-
airt leathtruim, agus easumhla, ag
tionnscnamh, agus ag labhairt ó chroi-
dhe bríathra bréagacha.

14 Agus do filleadh breitheamhnus ar
ccùl uainn, agus seasuidh an ceart a
bhfad uáinn: óir do thuit a fhírinne
annsa tsráid, agus ní fhéadann an chóir
dul a steach.

15 Dfailligh fós a nfirinne; an té
sheachnus an tolc do ní sé creach
dhe féin: agus do chonnairc an Tigh-
earna sin, agus dob olc leis nach raibh
breitheamhnus air bith ann.

16 Agus do chonnairc sé nach raibh
áonduine, agus dob iongnadh leis nach
raibh impidheach ar bith ann; uimesin
thug a ruigh slánughadh chuige, agus
a fhíréantacht do chothuigh sí é.

17 Oir do chuir sé fíréantachd uime
mar uchtéadach, & clogad an tslán-
uighthe ar a cheann: agus do chuir sé
culaidh an dioghaltais uime mar éadach,
agus do déaduigeadh é le teasghradh
amhuil clôca.

18 Do réir a ngníomh is mar an ccéad-
na chúiteochus sé, buile re na námhuid,
luáigheacht dá easćáirdibh, do bhéara sé
luáigheachd do luchd na noiléan.

19 Marsin bhías eagla anma an Ti-
ghearna orra ó náird shíar, agus a
ghlòire ó éirghe na gréine: a núair thiuc-
fas an námhuid a steach amhuil tuile
tóigfe spiórad an Tighearna bratach
súas na aghaidh.

20 Agus tiucfa an slánaightheoir go
Sion, agus chum na druinge fhilleas ó
pheacaidh ann Jácob, a deir an Ti-
ghearna.

21 Ar mo shonsa, isé so mo chunradh
ríu, a deir an Tighearna, Mo spiorad
noch atá ortsa, agus mo bhríathra do
chuir mé ann do bhéul, ní dhealeochuid
ré do bhéul, nó re béul do shíl, nó re
béul síl do shíl, a deir an Tighearna, ó
so amach, agus go bráth.

CAIB. LX.

*Ata Críosd na sholas da dhaoinibh uile, is
ag tabhairt mhóir-bheannachda dhóibh
tar éis fulang.*

EIrigh, déalruigh, óir tháinic do
sholus, agus déirigh glóir an Tigh-
earna ort.

2 Oir féuch, foileochuidh an dorcha-
dus an talamh, agus dorchadas tiugh an
pobal: acht éireochuidh an Tighearna
ortsa, & do chífighear a ghlóir ort.

3 Agus tiucfuidh na geintidhe chum
do sholuis, agus Ríghthe chum soillse
héirghe.

4 Töig súas do shúile timchioll fa
ccuáirt, agus faic: cruinnighid siad iad
féin a ccionn a chéile, tigid siad chu-
gadsa; tiucfaid do mhic a himchéin, agus
oilfighear hingheana red thaobh.

5 Annsin do chífe tú, agus lin-

thú, agus eaglochuid do chroi-
agus fairsiongthar é, do bhrígh go
chugadsa iomadamhlachd
go ttiucfaidh neart na ngein-
chugad.
6 Folóchuidh iomadamhlachd na
thú, dromedari Mhídian, agus
: ttiucfuid síad uile ó Shéba ;
ór léo agus túis, agus
amach molta an Tigh-
arna.
7 Cruinneochthar tréuda Cedar uile
chugadsa, foigheonuid reitheadh
dhuit : tiuchuid súas maille ré
ar maltóir, agus glóir-
tigh mo ghlóire.
8 Cia híad so eitiollus mar néull,
mar choluma chum a bhfuinne-
?
9 Go deimhin feithmhid na hoiléain
, agus loingios Tharsis ar ttús,
do bhéaruid do mhicsi a himchéin,
agus a nairgiod léo go hainm an
do Dhia, & go háon naomh-
Israel, do bhrígh gur ghlóruigh
.
10 Agus cuirfid mic na ccoimhidh-
do bhalladha súas, agus foigh-
a Righthe dhuitsi: óir do bhuáil
thú, acht an mo dhéagh-
do rinne mé trócaire ort.
11 Uimesin béid do gheatadha
do ghnáth, ní druidfihhear
a ló nó a noidhche, chum go ttuga
chugad neart na ngeinteadh,
go ttugthar a Righthe do
dh.
12 Oir an cineadh nó an riogacht nach
dhuit, sgriosfuighear é ;
fós na cineadacha sin uile.
13 Tiucfa glóir Lebanon chugad, an
giumhais, an crann pine, agus an
a néinfheachd, do sgiambughadh
mo shanctóra, agus do dhéana mé
mo chos glórmhar.
14 Tiucfuidh fós mic na ndaoine do
thú, do chláonadh dhuit : a-
a uile dhuine do tharcuisnigh
, cromfuidh sé síos ag bonnuibh do
, agus goirfid cathair an Tighear-
diot, Sion aoin náomhtha Is-
rael.
15 A náit ar tréigeadh, agus ar
gheadh thú, iondus nár ghabh
thriod, do dhéana mé oirdhear-
siothbhúan diot, gáirdeochus mo-
ginealach.
16 Diulfuidh tú fós bainne na ngein-
teadh, agus diulfa tú cíche na Ríogh,
biáidh a fhios agad gur misi an
Tighearna do shlánaightheóir, agus
fuasgaltóir, áon cumhachdach Jácob ?
17 Ar son práis do bhéara mé ór
, agus ar son íaruinn do bhéara mé
airgiod, agus ar son connaidh, prás,
ar son cloch, íarann : do dhéanad
fiothchain dot leathtrom, agus dot
fíreúntachd.

18 Ni cluinfighear foiréigion ann do thír
ní sa mhó, fásughadh nó aidhmhilleadh
tíobh a stigh dot théorannuibh ; acht
goirfidh tú dot bhalladhuibh Slánu-
ghadh, & dot gheatadhuibh, Moladh.
19 Ní budh hé an ghrian feasda
do sholus annsa ló, & ní hí an ghealach
bhéuras solus mar loinnir dhuit : acht
isé an Tighearna bhus solus síorruidhe
dhuit, agus do Dhía, do ghlóir.
20 Ní rachuidh do ghrian faoi ní
as mó, agus ní sheachona do ghealach í
féin : óir isé an Tighearna bhus solus
síothbhúan duit, agus críochnochar lae-
the do ghubha.
21 Béid fós huile dhaóine, fíreúnta ;
geabhuid oighreachd na dúithche go
bráth, géug mo phlanndúighthesi, obair
mo lámh, chor go nglóruighthear mé.
22 Biáidh an beag na mhíle, agus an
fann na chineadh mhórr misi an Tigh-
earna, deithfreochad sin ion am.

C A I B. LXI.

Oifig Chríosd, chuirthear a cceirt thríd an Spiorad naoimh.

A Tá spiorad an Tighearna Día orum-
sa, do bhrígh gur ung an Tigh-
earna mé do sheanmóir sgéula maithe
do na ceannsuighibh, do chuir sé mé do
cheangal súas na ccroidhthe mbriste,
dfúagra sáoirse do na braighdibh, agus
osgailte an phríusúin don druing atá
ceangailte :
2 Dfúagra bliadhna taitneamhuigh an
Tighearna, agus lae dioghaltais ar Ndé ;
do chabhrughadh na méide chaoidheas :
3 Dórdughadh don druing chaoidheas
a Sion, do thabhairt sgéimhe dhóibh ar
son lúatha, óla an gháirdeachuis ar son
dóbróin, éadaigh an mholta ar son spio-
ruide brúighte, go ngoirfidhe crainn na
fíreantachda dhíobh, planndughadh an
Tighearna, chor go nglórfuidhe é.
4 Agus cuirfid síad súas na seanfhas-
uighe, tóigfid súas na seanáite uáigneacha,
& athnúadhchuid na caithreacha fásuigh,
fásughadh mhóráin ghinealach.
5 Agus seasfuid coimhthighidh, agus
biáidhfid bhur ttréada, agus budh iad
clann na neachdrannach bhur ttreabh-
thacha, agus lucht deasuighthe bhur
bhfíneamhnach.
6 Acht goirfighear dhíbhsi Sagairt an
Tighearna, goirfid na daoine Minisdri
ar Ndé dhíbh : íosfaoi saidhbhrios na
ngeinteadh, agus ann a nglóir mháoith-
fidhe sibh féin.
7 Ar son bhur náire do gheabhthaoi
dúbalta ; & ar son aidhmhillte, gáirdeo-
chuid ann a ccuid ronna : uimesin iona
ndúthaigh sealbhochuid roinn dhúbalta,
biaidh lúathghair shíorruidhe aca.
8 Oir misi an Tighearna grádhuighim
breitheamhnus, is fúath liom slad-
mhóireachd mar ofrail loisge, & seolfa
mé a nobair a bhfírinne, & do dhéana
mé cunnradh suthain ríu.

9 Agus aitheontar a ſíol a measg
na ngeinteadh, agus a ſliochd a measg
an phobail: aideomhuid gach a bhfaic-
ſidh iad, gur biad an ſíol do bhean-
nuigh an Tighearna.
10 Gáirdeochuidh mé go mór annſa
Tighearna, biáidh manam ſóláſach ann
mo Dhia; óir déaduigh ſé mé a ccu-
ladhuibh an tſlánaighthe, dſoluigh ſé mé
le róba na fíréantachda, amhuil chóiri-
gheas ſear núadhpoſta é féin le breágh-
achtuibh, agus mar chóirigheas an
bhean núadhphóſta í féin lé na ſéuduibh.
11 Oír mar do bheir an talamh a ſhás
amach, agus amhuil do bheir an gáirdín
ar na neithibh cuirthear ann, fás a níos;
marſin do bhéar an Tighearna Día
fíréantachd agus moladh dfás ſúas as
coinne na nuile chrioch.

CAIB. LXII.

*Lonnradh Sion, 6 & oifig Mhiniſdri no Fir-
aire na Heagluiſe.*

AR ſon Shion ni bhiáidh mé am thochd
agus ar ghrádh Jeruſalem ní choiſgſe
mé, nó go ndeachuidh a bhfíreantachd
amach amhuil déalrughadh, agus a ſlá-
nughadh amhuil tóirſe air laſadh.
2 Agus do chifid na geinte hionn-
racus, agus na huile Ríghthe do ghlóir:
agus goirfighear thú maille re hainm
núadh, noch ainmneóchus béul an Tigh-
earna.
3 Biáidh tú fós ad choróin ghlóire
a láimh an Tighearna, agus ad dhia-
dem ríoghamhuil a láimh do Dhé.
4 Ni goirfighear tréigthe dhíot ní ſa
mhó, agus ní déarthar do dhúthaigh ní
is mó uaigneach: acht goirfighear Máoi-
bhneas dhíot, agus dot dhúthaigh,
Phóſda: óir dúilighidh an Tighearna
ionnad, & pósfuighear do dhúthaigh.
5 Oir amhuil phóſas ógánach maigh-
dion, is marſin phóſuid do mhic thuſa;
agus mar gháirdigheas an fear núadh-
phóſta ós a mhnaoí núadhphóſta, marſin
gháirdigheas do Dhía ós do chionnſa.
6 Do chuir mé foraire air do bhalladh-
uibh, a Jeruſalem, nach ccoiſgfidh a lá
nó a noidhche: ná bithiſe bhur ttochd, a
dhrong tig thar an Ttighearna;
7 Agus ní léigidh ſuáimhneas dó, nó
go ndaingnidh ſé, agus go ndéarna ſé Je-
ruſalem na mholadh annſa talamh.
8 Do mhionnuigh an Tighearna fa na
láimh dheis, agus le righ a neirt, go
dearbhtha ní thiubhra mé ní as mó, thar-
bharſa do bheith na bhiadh dot naimh-
dibh, & ní iobhuid mic na ccoimhthi-
dheach thſíon ar ſon ar ſháothruigh thú.
9 Acht aſiad an lucht do chruinnigh é,
ioſas é, agus molfuid an Tighearna, agus
iobhuid an drong thug a gcionn a chéile
é, a ccúirtibh mo náomhthach-laſa.
10 Eirgidh thríd, éirgidh thríd na
geatadhuibh; ullmhuighidh ſlighe an
phobail, teilgid ſúas, teilgidh ſúas an
tſlighe mhór, cruinnighidh amach na clo-
cha, tógbhuidh ſúas bratach don pho-
bal.
11 Féuch, dfúagair an Tighearna go
críochuibh na talmhan, abraidhſe ré
hinghin Shion, Féuch, atá do ſhlánughadh
ag teacht: féuch, atá a luáidheacht
leis, agus a obair roimhe.
12 Agus goirfid ſiad díobh, An po-
bal naomhtha; fúaſcailtighe an Tigh-
earna: agus goirfighear dhíotſa, Ar na
hſarruidh amach, cathair nach ar tré-
geadh.

CAIB. LXIII.

*Tairrgir ar an chombradh bhías eidir Criosd,
15 & a Eaglais.*

CIa hé ſo thig ó Edom, maille ré
culadh dhaite ó Bhoſrah? an té ſo
atá glórmhar a néadach, ag ſiubhal a
méad a neirt? Miſi labhrus a bhfíréan-
tacht, cumhachtach chum ſaortha.
2 Cred fá bhfuil tú dearg ann do
chulaidh, & téadach coſmhuil ris an té
ſhaltras a numar a nſíona.
3 Do ſhaltair mé a númar na ſíon-
mhna am áonar, & ní raibh áoinneach
don phobal agam: óir ſailteoruidh mé
iad ann mſeirg, agus ſiubholuidh mé ſúas
orra ann mo bhuile, & croithfighear
a bhfuil ar méadach, agus bailleocha mé
mo chulaidh uile.
4 Oir atá lá an dioghaltais ann mo
chroidhe, agus thainic bliadhain mfúaſ-
cailteach.
5 Agus dféuch mé, agus ní raibh
áon do coibhreochadh, agus dob iong-
nadh liom nach raibh áon do chong-
mhadh ſúas: uimeſin thug mo righ féin
cobhair chugam, agus do chonnaimh
mainteas ſúas mé.
6 Agus ſailteoruidh mé na daoine ſúa
ann mſeirg, agus cuirfidh me ar meiſge
ann mo ro ſhearg iad, & do bhéara mé
a neart ſíos gus an ttalamh.
7 Cuimhneocha mé cinéul grádhach an
Tighearna, agus molta an Tighearna, do
réir na nuile neithe dar thiodhluic an Ti-
ghearna dhúinn, & a mhaitheaſa móirt a
ttaobh thighe Iſrael, noch do bhronn ſé
dhóibhſion do réir a ghrás, agus do réir
iomuid a chinéul ngrádhach.
8 Oir a dubhairt ſé, Go deimhin iſiad
mo phobalſa iad, clann nach déana bréag,
óir dob eiſion a ſlánaightheoir.
9 Do bhí ſeiſion buáidheartha ann a
nuile bhuáidhreadhſan, do thárthuigh
aingeal a aighthe iad: ann a ghrádh,
agus ann a thruáighe dfúaſcail ſé iad,
díomchuir ſé & rug leis iad uile laethe
an tſaoghail.
10 Acht do chúadar a neaſumhla air,
agus do throid ſé na naghuidh.
11 Annſin do chuimhnigh ſé na ſean
laethe, Maóiſe agus a phobal, ghá radh,
Cáit a bhfuil an té thug as an bhfairge
iad maille re príomh-aodhuire a thréada?
cáit

[illegible] a bhfuil an té do chuir ſpiorad a
[illegible]uchda ann a lár?
12 Noch do thréoruigh íad tre dheis-
[illegible] Mhaóiſe, lé na righ ghlórmhair ag
[illegible] na huiſgeadh rompa, do dhéanamh
[illegible] ſathain dó féin!
13 Noch do thréoruidh íad thríd an
[illegible] mar each annſa bhfáſach,
[illegible] nach bhfuighedis tuiſleadh!
14 Amhuil téid beitheach ſíos annſa
[illegible], thug ſpiorad an Tighearna air
[illegible] do dhéanamh: is marſin do
[illegible] tuſa do phobal, do dhéanamh
[illegible] glórmhuir dhuit féin.
15 Féuch a nuas ó neamh, agus
[illegible] ó áitreabh do náomhthachda, agus
[illegible] ghlóire: cáit a bhfuil do theaſgrádh
[illegible] do neart agus fuaim hinneadh, a-
[illegible] do thrócaire? an bhfuil toirmioſg
[illegible] am tháobhſa?
16 Gan amharus is tú ar nathair
[illegible] nach aithnid do Abraham ſinn, a-
[illegible] nach admhann Iſrael ſinn: is tuſa,
a Thighearna, ar nathair, ár ſlanaigh-
[illegible], atá hainm ó ſhíorruidheacht.
17 A Thighearna, cred fa ttug tú
[illegible] ſeachrán ó do ſhlighthibh? & ar
[illegible] tú ar ccroidhe ód eagla? fill
[illegible] do ſhearbhſhoghantuidheadh, tre-
[illegible] hoighreachda.
18 Níor ſhealbhuidh pobal do náomh-
[illegible] é achd re beagan aimſire: do
[illegible] ar neaſccáirde do ſhanctóra
[illegible] na ccoſuibh.
19 Is ſinne do mhuinntirſe, ní raibh
[illegible]chd agad a riamh ós a ccionn-
[illegible], níor ghoireadh íad led ainmſi.

CAIB. LXIV.

*[illegible] ag foilliſiughadh neart, 5 & tró-
caire Dé, 6 & peacadh ghráineamhui[l]
[an] duine.*

Do bféarr liom go mbriſteá na flai-
[illegible], go ttigthea a nuas chor go ttui-
[illegible] na ſleibhthe ſíos dot la-
thair.
2 Amhuil mar laſas an teine leagh-
[illegible], bheir an teine ar na huiſgeadhuibh
[illegible]; dfoillſiughadh hanma dot
[illegible], chor go ccrithneochuid na
[illegible] dot lathair.
3 A nuáir do rinne tú neithe ſiath-
[illegible], nach raibh ſúil aguinne ríu,
[illegible] tú a nùas, do thuilighiodar na
ſléibhte ſíos led fhaicſin.
4 Oir ní chúaladar daóine ó thoſach
an domhain, níor mhothuigheadar leis an
[illegible], ní mó do chonnairc an tſúil, a
Dhia, taobh amuigh dhiotſi, an ní dull-
[illegible] ſé don tí fheithios air.
5 Teagmhuidh tú don tè gháirdigheas,
[illegible] oibrighios fíréantachd, cuimhnighid
ſiad ort ann do ſhlighthibh: féuch, atá
fearg ort do bhrígh gur pheacuigheamair-
ne: ionta ſo atá búanſus, agus ſaorfui-
ghear ſinn.
6 Acht atámaóid uile amhuil neamh-
ghlan, agus atáid ar nionnracus uile
amhuil ceirteacha ſalcha; agus ſearga-
maoid uile amhuil duilléog, agus rugadar
ar bpeacuidh leó ſinn coſmhuil ris an
ngaóith.
7 Agus ní bhfuil aon ghoireas air
mainmſe, chorruigheas é féin ſúas do gha-
bháil greama dhíotſa; óir dfoluigh tú
haghaidh oruinn, agus do leag tú ſinn ar
ſon ar ccíontadh.
8 Acht anois, a Thighearna, is tú
ar nathair: is ſinne an chré, & is tuſa
ar ccumadóir, agus ſinne uile obair do
láimhe.
9 Ná bíodh fearg ro dhoiligh ort,
a Thighearna, & ná cuimhnigh peacadh
go ſíothbhúan; féuch, amhairc, iarrmaoid
dathchuinge ort, is ſinn uile do phobal.
10 Atáid caíthreacha do náomhthachda
uile na bhfáſach, atá Sion ná fáſach,
Jeruſalem air na léirſgrios.
11 Atá ar ttigh náomhtha agus ſgía-
mhach ar na loſgadh uile re teine, áit
ar mholadar ar naithre thuſa; agus
ar neithe ſoláſach uile ar na léirſgrios.
12 An ccuirſidh tuſa ſrían riot féin
ar na neithibhſi, a Thighearna? an
mbía tú ad thochd, agus ſinne do ghor-
tughadh go géur?

CAIB. LXV.

*Bi tóghbhail na Ncineadhach haithle tréigeadh
na Niudaigheadh.*

A Táim ar mo lorgaireacht ón luchd nar
iarr mé, do fríth mé leis an luchd
nar lorgair mé: a dubhrus, Féuch miſi,
féuch miſi, do chineadh nar goireadh
lea mainm.
2 Do leathnuigh mé mo lámha amach
ar feadh an laói chum cinidh eaſumhuil,
noch ſhiubhluighios a ſlighe nach maith,
agus iona ſmuáintighthibh féin.
3 Daoine bhroſnuigheas miſi chum
feirge a gcomhnuidhe a gclar méadain,
íodhbras a ngáirdinibh, agus loiſgeas
túis ar altóruibh brice:
4 Noch fhanas a meaſg na nuái-
gheann, agus áitreabhas annſna hadhla-
caibh, noch itheas feóil mhuc, agus
anbhruithe neitheann nadhfhúathmhar
ann a ſoighthighibh:
5 Noch a deir, Seas agad féin, ná tárr
láimh riomſa, óir is náomhtha miſi ná
thú; is deatach íad ſo ann mo ſhróin,
teine loiſgeach ar feadh an laói.
6 Féuch, atá ſcríobhtha as mo choinneſi,
ni bhía mé am thochd, achd cùiteocha-
mé, eadhon cùiteocha mé é iona mbrol-
lach.
7 Bhur ccionta féin, agus cionta bhur
naithreadh aráon, a deir an Tighearna,
noch do loiſg túis ar na ſléibhtibh, agus
do mhaſluigh miſi ar na cnocaibh: ar a
nadhbharſin toimheoſuidh mé a ccéad-
obair iona mbrollach.
8 Marſo a deir duine, Ná mill é, óir
atá beannughadh ann: mar ſin do dhéa-
nas mé ar ſon mo ſheirbhíſeach, iondus
nach ſcroſa mé uile íad.

9 Agus do bhéara mé amach síol as
Jacob, agus as Júdah oighre ar mo
shléibhtibh, & géabhuid mo roighne a
oighreachd, agus áitreobhuid mo sheir-
bhísigh ann.
10 Agus biáidh Saron na mháinnrigh
thréud, agus gleann Achor na áit air-
gheach do luidhe síos ann, ar son mo
phobail, noch díarr mé.
11 Acht is sibhsi an drong thréigios
an Tighearna, dhearmaduigheas mo
shlíabh náomhtha, noch ghleusas bórd
do shlúagh neimhe, agus shoirlíonas
deoch-ofrála do na pláineaduibh.
12 Uimesin áireomhuigh misi sibh
chum an chloidhimh,& cromfuid uile síos
chum a náir, do bhrígh nár shreagrabh-
air a nuair do ghoir mé; a nuair do
labhair mé, ní chualabhair, achd do rin-
neabhair olc as coinne mo shúl, & do
thoghabhair an ní ann nach ar dhúiligh
misi.
13 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día, féuch iosuid mo sheirbhí-
sigh, acht biaidh ocras oruibhsi: féuch,
iobhthuid mo sheirbhísigh, acht beithise
tartmhar: féuch, gairdeochuid mo
sheirbhísigh, acht béithisi fa náire:
14 Féuch, canfuid mo sheirbhísigh le
lúathghair chroidhe, achd comhairchidhesi
le doilghios chroidhe, agus nuallfuidhe le
buáidhirt spioruide.
15 Agus suigfidhe bhur nainm mar
mhallacht ag mo dháoine toghthasa: óir
muirfidh an Tighearaa Día thú, agus
goirfidh sé a sheirbhísigh re ainm oile:
16 Jondus an té bheannuigheas é
féin annsa talamh, beinneochuidh sé é
féin an Ndía na fírinne, agus an té
mhionnochus air an talamh, mionno-
cha sé fa Dhía na fírinne; do bhrígh
gur dearmaduigheadh na céad bhuai-
dheartha, agus do bhrígh gur fholuigh-
eadh iad as mo radharcsa.
17 Oir féuch, cruthuighim neamh
nuadh, agus talamh núadh, agus ní
cuimhneochthar na céidneithe, agus ní
mó thiucfuid a ninntinn.
18 Acht bithise lúathgháireach, a-
gus gáirdighidh go síorruidhe annsa
ní chruthaighim; óir cruthuighim lúath-
gháir Dierusalem, agus sólás dá pobal.
19 Agus gáirdeochuidh misi ann
Jerusalem, agus sólasfuidh mé ann mo
phobal féin; agus ní ccluinfighear
guth an ghola innte ní sa mhó, nó fuaim
na ccomharc.
20 Ní bhía annsin feasda naóidhe
laétheadh, nó duine soirse nach ar
choimhlíon a laéthe: óir éugfuidh an
leanabh a ccionn a chéud blíadhan,
acht biaidh an peacach bhíos a
ccionn a chéad blíadhan malluigh-
the.
21 Agus tógsuid tighthe, agus áitreo-
bhuidh iad; agus plainndeochuid
fíneamhna, agus iosuid dá ttoradh.
22 Acht ní thóigfid síadsan, &
neach oile dá áitreabh; ní plain-
deochuid síad, agus neach oile d'
ithe: óir amhuil atáid láethe crainn,
marsin atáid láethe mo dhaoine,
agus sealbhochuid mo thoghtha oibre-
cha a lámh féin.
23 Ní shaóthrochuid go díomhaoin, a-
gus ní thiubhruid amach chum buái-
dheartha; óir isíad síol beannuighthe an
Tighearna iad, agus a sliochd maille
riú.
24 Agus tiucfa a gcrích suil ghoirfid
síad, go bhfreagora misi, agus an
fad bhéid fós ag labhairt, go ccluin-
fe mé.
25 Josuidh an mactire agus an tuan
a bhfochair a chéile, agus iosuidh an
leomhan tuighe mar an ndamh; agus
budh luaithreadh beatha na nathrach
nimhe. Ní ghoirteochuid, agus ní
mhuirfid ann mo shlíabh náomhtha
uile, a deir an Tighearna.

CAIB. LXVI.

Clàr, ag foillsiughadh an deagh-chreidimh, 3 &c an chrabhadh chealgach.

IS marso a deir an Tighearna, is
neamh mo chathaóir-ríoghda; agus
sé án talamh stól mo chos: cáit a
bhfuil an tigh thógthaoi dhamh? a-
gus cáit a bhfuil áit mo chomh-
nuighthe.
2 Oir is íad mo lámha féin do
rinne gach aoin ní dhiobhsin, agus do
bhádar na neithesin uile, a deir an
Tighearna; acht is don tí so fhéach-
fus misi, eadhon don tí atá bocht agus
brúighte a spioraid, agus chriothnuigheas
rem bhreithir.
3 Atá an té mharbhus damh,
amhuil do mhuirfeadh duine; an té
ofrálas lubhán, amhuil agus do ghearr-
fadh muinéal madraidh; an té
iodhbras tiodhlacadh, amhuil do
thairgfeadh fuil mhuice; an té loif-
geas túis, amhuil do bheinneochadh
sé iodhal; a feadh, do thoghadar
so a slighthe féin, agus dáili-
ghid a nanmanna iona nadhfhúath-
mhaireachtuibh.
4 Toíghfiodsa mar an ccéadna a
ttríollafan, agus do bhéara mé a
neagla orra: do bhrígh nar shreа-
gair áon a nuáir do ghoir mé, a
nuáir do labhair mé, ní chualadar:
achd do rinneadar olc ós coinne mo
shúl, agus do thoghadar an ní ann nar
dhúiligh mé.
5 Eistigh bríathra an Tighearna, a
dhrong chritheaglas ré na bhreithir; do
a dubhradar bhur ndearbhráithre dfúa-
thaigh sibh, do theilg amach sibh ar lon
manmasa, Go ma glormhar an Tighear-
na: ach taisbéanfuidh seision chum bhur
lúathgháiresi, agus beidsion fa náire.

6 Guth fuáime ón ccathruigh, guth ón
... guth an Tighearna, chúiti-
... luidheacht ré na naimhdibh.
7 ... do bhí si ré niodhnuibh rug
... tháinic a tinneas, do bhí sí ar
... mhic.
8 Cia chualaidh a leithéid sin do
... ón chonnairc leithéid na neith-
... ? an ttiubharthar air an ttalamh
... a náonló, nó an mbeir-
... cineadh a naóinfheacht ? óir
... agus do shaothruigh Sion,
... sí i clann amach ;
9 An dtiubhra misi bean chum brei-
... agus gan a thabhairt uirre bre-
... a deir an Tighearna : an ttiubhra
... a dearn gineamhuin, agus [an bhrú]
... dúnadh, a deir do Dhia ?
10 Gáirdighidhsi lé Jerusalem, agus
... lúathgháireach lé ; sibhsi uile ler
... ionmhuin í : gáirdighidh lé lúathgháir
... uile chaóidheas air a son.
11 An chor go ndiúlfuidhidh, agus
... sáiseochuidh sibh lé cíochuibh a
... : chor go mblifidh, & go mbeithí
... ... tré iomad a glóire.
12 Oír is marso a deir an Tighearna,
... sínfidh misi síothcháin di a-
... sruth, agus glóir na ngeinteadh
... sruthan ag tuiliughadh : annsin
... béarthar sibh air a táobhuibh,
... a muirníneacht air a glúinibh.
13 Amhuil áon noch chomhfhur-
... a mhathair, mairsin fhuir-
... misi oruibhsi ; agus bei-
... ar bhur ccomhfhurtachd ann Je-
...
14 Agus a nuáir do chíthí so, gáir-
... bhur ccroidhe, agus fás-
... bhur ccnámha amhuil luibh, agus
... lámh an Tighearna re na
... ...achuibh, agus a dhioghaltas
... naimhdibh.
15 Oír féuch, tiucfa an Tighearna le
..., agus le na charbaduibh mar
... ghuairdeáin, do chúitiughadh a
... maille re buirbe, agus a aith-
... maille re lasracha teineadh.
16 Oír le teine agus le cloidheamh
... an Tighearna ris a nuile
fheóil, agus budh iomdha mairbh an
Tighearna.
17 An drong náomhus iad féin,
agus ghlanas iad féin annsna gáirdínibh,
táobh shiar do áon chrann amháin a lár,
ag ithe féola muice, & na hadhfhuath-
mhaireachda, agus na luiche ; scrios-
fuighear uile iad, a deir an Tighearna.
18 Oir is aithnid damhsa a noib-
reacha, agus a smuaintighthe, tiucfa a
gcrích go ccruinneocha misi na huile
chineadhacha agus theangtha, & tiuc-
faid siad agus do chífid mo ghlóir.
19 Agus cuirfidh mé comhartha iona
measc, agus cuirfe mé an chuid rachus
as díobh chum na ccineadhach go Tar-
sis, go Pul agus go Lud, noch thairngios
an bogha ; go Túbal, agus go Jábhan
gus na hoiléanuibh a nimchéin, nach
ccúala mo thúarusgbháil, nach mó do
chonnairc mo ghlóir, agus foillseochad
mo ghloir a measc na ngeinteadh.
20 Agus do bhéuruid bhur ndearbhra-
ithre uile mar ofráil chum an Tighearna
as gach uile chrích, ar eachuibh, agus a
ccarbaduibh, agus a ccóistighibh, agus
ar mhúillighibh, agus ar bheathachuibh
lúatha, go nuige mo shliabh náomhtha
Jerusalem, a deir an Tighearna, mar
bheirid clann Israel ofráil a soigh-
theach ghlan go tigh an Tighearna.
21 Agus glacfa misi cuid díobh mar
shagartaibh, agus mar lebhítibh, a deir
an Tighearna.
22 Oír amhuil fhanfuid na flaithis
núadha, agus an talamh nuadh, noch
chruitheochus mé, as mo choinne, a deir
an Tighearna, is marsin mhairfios bhur
sliochdsa, agus bhur nainm.
23 Agus tiucfa a ccrích ón gheal-
luidh nuáidh go chéile, agus ón tSaoire
go chéile, go ttiucfa a nuile fheóil
dadhradh dom lathairsi, a deir an
Tighearna.
24 Agus rachuid siad amach, agus
féuchfuid ar chonablachuibh na muin-
tire do pheacuidh am aghaidhsi ; óir
ní éagfa a bpéist, agus ní múchfuighear
a tteine, agus béid na ngráin do
nuile fheóil.

LEABHAR AN FHAIGH JEREMIAH.

CAIB. I.

Jeremiah ar na ghairm. 11 *Fuair sé dhá thaisbénadh ó nTighearna.*

BRiathra Jeremiah mhic Hil-
ciah do na sagartuibh do
bhí ann Anatot a ttír
Bhenjamin :
2 Gus a ttáinic bríathar
an Tighearna a laéthibh
Josiah mhic Ammon Rígh Júdah, annsa
... bliadhuin déag da ríoghacht.
3 Tháinic mar an gcéadna a láe-
thibh Jehoacim mhic Josia Rígh Júdah
go deireadh a naóiinbhliadhuin déug She-
deciah mhic Josiah Rígh Júdah, go
breith Jerusalem ar siubhal a mbraigh-
dionas, an cúigeadh mí.
4 Annsin tháinic bríathar an Ti-
ghearna chugamsa, gha rádh,
5 Suil do chum mé thú annsa mbolg,
do bhí thfios agam, agus suil tháinic
tú amach as a mbroinn do náomhuigh
mé thú, agus dórduigh mé thú ad
fháigh do na cineadhachuibh.
6 Annsin a dubhairt misi, Oh a Thigh-
earna Día, féuch ní fhéaduim labhairt ;
óir is leanabh mé.

7 Acht a dubhairt an Tighearna
liom, Ná habair is leanabh mé; óir
racha tú chum gach neithe gus a
ccuirfidh misi thú, agus gidh bé ní
aitheonas mé dhíot, déara tú é.
8 Ná bíodh eagla a naighteach ort:
óir atáimsi maille riot dot shaoradh,
deir an Tighearna.
9 Annsin do chuir an Tighearna a
lámh amach, agus do bhean rem bhéul,
& a dubhairt an Tighearna riom, Féuch
do chuir mé mo bhriathra ad bhéul.
10 Féuch do chuir mé thú a niugh
ós cionn chineadhach, & ós cionn rio-
ghacht, do thochuilt amach, & do lea-
gadh síos, & do mhilleadh, & do scrios,
& dfoirgneadh, agus do plandúgha.
11 Tuilleamh fós, tháinic briathar an
Tighearna chugam, gha rádh, Ieremiah
cred do chí tú? agus a dubhairt misi,
Do chím slat almoinne.
12 Annsin a dubhairt an Tighearna
riomsa, Is maith do chonnairc tú: óir
deifreochuidh misi mo bhriathar dá
choimhlíonadh.
13 Agus tháinic focal an Tighearna
an dara huáir chugam, gha rádh, Cred
chí tú? agus a dubhairt misi, do
chím pota fiuchaidh, agus a aghaidh
leath ris an ttuaisceart.
14 Annsin a dubhairt an Tighearna
riomsa, Amach as an ttuaisceart bhris-
feas olc ar a nuile áitreabhthach san tír.
15 Oir féuch, goirfidh misi uile
mhuintears ríoghacht an tuáisceirt, a
deir an Tighearna, agus tiucfuid siad,
agus suighfid gach aon díobh a cha-
thaoir ríogha a ndul a steach gheata
Ierusalem, agus a naghaidh a balladha
uile fa ccuáirt, agus a naghaidh chaith-
reach Iúdah uile.
16 Agus foillseochuidh mé mo bhrei-
theamhnus na naghaidh a ttáobh a nuile
olc, noch do thréig misi, agus do loisc
túis do dhéeibh oile, agus do adhair
oibreacha a lámh féin.
17 Criosluigh thusa ar a nadhbhar-
sin do leasrach súas, agus éirigh, agus
labhair ríu a nuile ní dá naitheonuidh
misi dhíot na bíodh ambhfainne ort
ré na naighthibh, deagla go cclaóidh-
finn thusa rompasan.
18 Oir féuch, do rinne mé dhíot a
niugh cathair dhaingean, agus posta
iaruinn, agus balladha práis a naghaidh
na tíre go hiomlán, a naghaidh
Righthe Iúdah, a naghaidh a prionn-
sach, a naghaidh a sagart, agus a na-
ghaidh dhaóine na tíre.
19 Agus troidfid siad ad aghaidh,
acht ní bhéaruid buáidh ort: óir atáimsi
ad fhochair dot shaoradh, a deir an
Tighearna.

CAIB. II.

Dombuidheachas na Nludaigheadh.

TUilleamh fós, tháinic briathar an
Tighearna chugamsa, gha rádh,
2 Eirigh, agus éigh a ccluasaibh
Ierusalem, gha rádh, Is marso a deir
an Tighearna, cuimhnighim dhuit
néul hóige, grádh do dhála, a
do chuáidh tú am dhiaigh annsa
fach a bhfearann nach ar cuireadh
3 Do bhí Israel na náomhthacht do
Tighearna, & na phrimidil dá
sgriosfuighear gach a sluigeann é;
fuidh olc chuca, a deir an Tighearna.
4 Eistigh ré focal an Tighearna, a
thigh Iácob, agus a uile mhuintear
thighe Israel.
5 Marso a deir an Tighearna, Cred
an tégceart fuaradar bhur n
ionnamsa, as ar imthigheadar a
uaim, agus ar shiubhladar ar
díomhaóinis, agus as a ndéarnadar
díomhaoin iad?
6 Agus ní dubhradar, Cáit a
an Tighearna? noch thug a níos
chrích na Hégipte, do thréoruigh
thríd an díothramh, agus tré fhearann
bán fásuigh, agus tre thír tharta agus
scáile an bháis, tré fhearann nach ar
ghabh aonduine thríd, agus nach ar
áirteibh áonduine.
7 Agus thug mé sibh go tír thór-
theamhuil, dithe a toruidh agus a maith-
easa; acht a nuáir thangabhair a steach,
do thruáilleabhair mo dhúthaigh, & do
rinneabhair adhfhuáthmhaireachd dom
oighreachd.
8 Ní dubhradar na sagairt, Cáit a
bhfuil an Tighearna, agus an drong
lámhuigheas an dligheadh níor aithé-
gheadar mé: do chionntuigheadar fós na
háodhaireadha am aghaidh, & do thair-
ghiriodar na fáighe tré Bháal, agus do
leanadar neithe nach ttarbhuighion.
9 Uimesin taigeoruidh mé fós ribh,
a deir an Tighearna, agus re clann
bhur ccloinne taigeoruidh mé.
10 Oir éirghidhe tar oiléanaibh Chit-
tim, agus féuchuidh; agus cuiridh fios
go Cedar, agus measuidh go dúthchioll-
lach, agus féuchuidh an bhfuil a lei-
théid sin do ní.
11 Nar mhalartuigheadar na
dée, nach bhfuil ar aon chor na
eibh? achd dáthruigheadar mo dhao-
nesi a nglóir ar ní nach ttarbhuighionn.
12 Bithi iongantach a neamha fan
& bithi úamhnach go hadhfhuáthmhar,
bithí go ro dhubhach, a deir an
Tighearna.
13 Oir dhá olc do rinneadar mo dhao-
nesi; do thréigeadar misi tobar na
nuisgeadh mbéo, agus do thochladar
dhóibh féin tiubruide, tiubruide
nach ccongmhann uisge.
14 An seirbhíseach Israel? an
bhuidhe é rugadh san bhaile? cred a
ar milleadh é?
15 Do núalladar na leomhuin
air, agus do thógbhadar a nguth
agus do rinneadar fásach da dhúthaigh:
atáid a chaithreacha dóite gan áitreabh-
thuigh.

16 Mar an gcéadna do bhriſiodar
... Noph agus Tahapanes baithis
... dúin.
17 Nach ar thuill tuſa ſo dhuit
... annſa náit ar thréig tú do Thi-
... Día, a nuáir do thréoruigh
... annſa tſlighe thú ?
18 Agus a nois cred atá agad re
... dhéanamh a ſlighe na Hégipte, dól
... Sihor ! nó cred atá agad re
... dhéanamh a ſlighe na Haſsiria, dól
... na habhanna !
19 Smaichteochuidh holc féin thú,
... indheargfuidh do ſhleamhnughadh
... tú ; bíodh a ſhios agad
..., agus faic, gur bolc agus gur
... an ní mar thréig tú an Ti-
...arna do Dhía, agus nach bhfuil
... ionnad, a deir an Tighearna
... na ſlógh.
20 Oír do bhris mé do chuing ón
... aimſir, agus do dhóith mé do
...reach, agus a dubhairt tú, Ní
...ocha mé ; an tionad ar ſheach-
... tú ar a nuile chnoc árd, agus
... gach aonchrann glas ag déanamh
...reachuis.
21 Thairis ſin do phlannduigh mé
... ſhíneamhuin úaſail, ſiol fírinneach
... hiomlán ; ciondus maiſeadh as a
... tú ar niompógh chugam a bplann-
... ndáithchais ſíneamhna coimhighthe ?
22 Oír bíodh go nighſea thú féin
... nítir, agus mórán ſoip do ghabháil
..., thairis ſin atá hègceart ar na
...rthughadh am fhiadhnuiſi, a
... an Tighearna Día.
23 Ciondus fhéadas tú a rádh, Ní bhfui-
... ſálach, ní dheachuidh mé a ndiáigh
... ? féuch, do ſhlighe annſa ghleann,
... créd do rinne tú : is dromedari
... ag imtheacht ann a ſlighthibh thú.
24 Aſſal fiadhta ghnáthuigheas an
..., thairingeas ſúas an ghaoth ar
... toil féin, cía fhéadas a fhilleadh ar
... gach a níarrann é ní choirſid iad
... ann a mhí do gheabhuid é.
25 Connuimh do chos ó bheith gan
..., agus do phíobán ó thart ;
... a dubhairt tú, Ní bhfuil dóigh ann.
... bhfuil, óir do ghrádhuigh mé coimh-
..., agus leanſa mé íad.
26 Amhuil bhíos náire ar an mbith-
...ch a nuáir beirthior air, is mar-
... tá náire ar thigh Iſrael : íad féin,
... righthe, a bprionnſadha, agus a ſa-
... agus a bhfaighe,
27 Ag rádh ré ſmotán, Is tú mathair,
... ré cloich, Is tú do ghein mé :
... diompoigheadar a ndruim riomſa,
... ní hé a naghaidh : achd a nám
... nuáidhbeartha, déaruid, Eirigh, tár-
... ſinn.
28 Acht cáit a bhfuilid do dhée do
... tú dhuit féin ? éirghedís, má
..., dot thárthail a nam do bhu-
...rtha : óir is do réir uibhre do
... atáid do dhée, a Iúdah.

29 Cred an fáth as a ttagarthuidhe
riomſa ? do pheacuigeabhair uile am
aghaidh, a deir an Tighearna.
30 Is go díomhaóin do bhuáil me
bhur cclann, níor ghabhadar ſmacht
ar bith : bhur ccloidheamh féin do
mharbh bhur bhfáighe, amhuil leomhan
millteach.
31 O a ghinealach, féuch focal
an Tighearna : An raibh miſi am
fhásach do Iſrael ! am fhearann dor-
chaduis ! cred as a nabruid mo phobal,
Is tighearnadha ſinne, ní thiucfam ní
ſa mó ad choinne ?
32 An bhféadann maighdionn a ſeóid
do dhearmad, nó an bhean nuadhphóſta
a culaidh ? gidheadh do dhearmadar
mo dhaóine miſi láethe gan áireamh.
33 Cred as a ccóirighionn tú do
ſhlighthe diarruidh grádha ? uimeſin
do theagaiſc tú mar an ccéadna do na
drochdhaoinibh do ſhlighthe.
34 Mar an ccéadna do fríth ann do
ſciortaibh fuil na nanmann mbochd
neimhchiontach : ní lé tochailt fuair
mé é, acht orra ſo uile.
35 Thairis ſin a deir tú, Do bhrígh
go bhfuilim neimhchiontach, go dearbh-
tha fillidh a ſhearg uaim ; féuch, tai-
geora mé riot, do bhrígh go nabair
tú, Níor pheacuigh mé.
36 Cred as a ttéid tú an chomh-
ſhad ſin timchioll, do mhalairt do
ſhligheadh ? biáidh fós náire ort tres
a Négipt, mar do bhí náire ort tres
a Naſsiria.
37 A ſeadh, racha tú amach úatha,
agus do lámha ar do cheann : óir
do dhíſbeaguidh an Tighearna do dhoth-
chuis, agus ní bhéara tú biſeach ionta.

CAIB. III.

Seanmóir ag broſughadh na Nludaigheadh chum Aithreachuis.

DEirid ſiad, Má ligion fear a bhean,
agus go nimeochuidh ſi úadh, agus
go mbía ſi ag fear oile, a niompo-
chuidh ſé uirre a rís ? nach ttruail-
lighear an talamhſin go mór ! acht do
rinne tuſa meirdreachus lé mórán do
lucht grádha ; acht cheana, fill chu-
gamſa a rís, a deir an Tighearna.
2 Tóig ſúas do ſhúile chum na
náiteach nárd, agus féuch a náit ann
nach ar luigheadh leachd : annſna
ſlighthibh do ſhuigh tú ríu, do nós a
Narábianuigh annſa bhfáſach ; agus do
thruáill tú an talamh led ſtríopachus
agus led chiontuibh.
3 Uimeſin do congmhadh na ceatha,
agus ní raibh fearthuinn an tráthnóna
ann, agus do bhí éadan ſtríopuidh a-
gadſa, do dhiúlt tú bheith náireach. ?
4 Nach éighfidh tú órumſa ó
nuairſi amach, Mo athair, is tú tréor-
uightheóir móige ?
5 An ccoinneochuidh ſé a fhearg choidhche !

an ccoinneocha sé í go deireadh ?
féuch, a dubhairt tú, agus do rinne tú
droichneithe mar do fhéad tú.
6 A dubhairt an Tighearna mar an
ccéadna riomsa a láethibh Josiah an
Righ, An bhfaca tú an ní sin do rinne
Israel míochoinghiollach ? do chuáidh sí
súas ar gach aon tsliabh ard, agus faoi
gach áon chrann glas, agus annsin do
rinne sí meirdreachus.
7 Agus a dubhairt misi tar éis í dá
ndéanamh so uile, Fill chugamsa ;
acht níor fhill sí, agus do chon-
nairc a deirbhshiur fhealltach Jú-
dah sin.
8 Agus do chonnairc misi, a nuair
ar son gach uile chúise ler chiontuigh
Israel mhíochoinghiollach a nadhaltra-
nas gur chuir mé uaim í, agus go ttug
mé scríbhinn dealuighthe dhi : thairis
sin níor ghabh eagla a deirbhshiur
fhealltach Iúdah, acht dimthigh sí, &
do rinne sí fós meirdreachus.
9 Agus tária tré eattruime a striopa-
chuis, gur thruaill sí an talamh, agus
go ndéarnuidh sí adhaltrannus re clo-
chuibh, agus ré smotanuibh.
10 Agus thairis so uile níor fhill a
deirbhshiur fhealltach Iúdah chugamsa
maille re na huile chroidhe, acht go
bréagach, ar san Tighearna.
11 Agus a dubhairt an Tighearna riom-
sa, Is mó do fhiréunuigh Israel mhío-
choinghiollach í féin ná Iúdah fealldach.
12 Eirigh, agus fúagair na briath-
rasó leath ris an ttaoibh thuáigh, agus
abair, Fill a Israel mhíochoinghiollach,
a deir an Tighearna, agus ní thiubhra
misi ar mfeirg tuitim ort : óir a-
táim trócaireach, a deir an Tighearna,
agus ní choinneocha mé fearg go sioth-
bhúan.
13 Amháin aduimh do chionta gur
sháruigh tú a naghaidh an Tighearna
do Dhía, agus gur sbréigh tú do shligh-
the do na coimhightheachuibh faoi gach
áon chrann glas, agus nar umhluigh tú
dom ghuthsa, a deir an Tighearna.
14 Fillidh, a chlann mhíochoinghiol-
lach, a deir an Tighearna, óir atáimsi
pósta ribh : agus glacfa mé sibh, áon
as cathruigh, agus dias as muintir,
agus do bhéara me sibh go Sion.
15 Agus do bhéara mé áodhaireadha
dhíbh do réir mo chroidhe, noch bheath-
ochus sibh lé héolus, & le tuigsin.
16 Agus tiucfa a ccrích a nuáir oir-
lionfuidhe agus mhéideochthaoi annsa
tír : annsna láethibhsin, a deir an Ti-
ghearna, ní aibeoruid siad ní as mó,
Airc chunnartha an Tighearna : ní mó
thiucfas dá nintinn, ní mó chuimh-
neochuid siad í, ní mó rachaid siad
ar cúairt chuice, ní déantar sin ní
sa mhó.
17 Annsa namsin goirfid Dierusalem,
Cathaóir an Tighearna, agus cruin-
neochthar na críocha uile chuice, go
hainm an Tighearna go Hierusalem ;
ní shiubholfuid siad ní sa mhó do
bhreathnuighe a ndroch chroidhe ...
18 Annsna laethibhsin siubholfuidh
tigh Iúdah le tigh Israel, agus ...
lé chéile as fearann an tuaisceirt, ...
dúthaigh thug misi mar oighreacht ...
bhur naithribh.
19 Acht a dubhairt mé, Cionnus
chuirfios mé thusa a measg na cloinne, ...
bhéaras mé dúthaigh aoibhin duit, ...
oighreachd shluagh na gcineadhach ? ...
a dubhairt mé, Goirfe tú dhomhsa, ...
athair, & ní fhillfe tú ar ais uaimsi.
20 Go deimhin mar imthigheas bean
go meabhlach ó na fear, is marsin do
rinne tusa go meabhlach riomsa, a
thigh Israel, a deir an Tighearna.
21 Do chlos guth ar na hairdibh ...
da, caoi agus gearán chloinne Israel :
óir do mhilleadar a slighe, agus do
dhearmadar an Tighearna a Ndía.
22 Fillidh, a chlann mhíochoinghiol-
lach, agus leigheosuidh misi bhur mío-
choinghioll : féuch, thangamar chugadsa,
óir is tú an Tighearna ar Ndía.
23 Go deimhin is díomhaoin ... do
bheith re slánughadh ó na cnocaibh, &
ó iomad na sliabh ; go deimhin a nanns
Tighearna ar Ndía atá slánughadh Israel.
24 Oir do shluig náire saothar ar
naithreadh ó ar nóige ; a ttréada, a
náirgheacha, a mic, agus a ninghena.
25 Luidhmid síos ann ar náire,
agus foluighidh ar mbuáidhirt sinn ;
óir do pheacuigeamar a naghaidh an
Tighearna ar Ndía, sinn féin agus ar
naithre, eadhon ó ar nóige go a
niugh, agus níor umhluigheamar do
ghuth an Tighearna ar Ndía.

CAIB. IV.

Furail ro dhíthchiollach Disrael ar filleadh re Dia, agus a mbeatha do leasughadh.

MA fhilleann tú, a Israel, a deir an
Tighearna, fill chugamsa ; agus
má chuireann tú do ghráineamhlachd
uait as mo radharcsa, annsin ní
choirreocha tú.
2 Agus mionnocha tú, Mairidh an Ti-
ghearna a bhfírinne, a mbreitheamhnas,
agus a bhfíreantachd ; agus beannó-
chuid na geinte íad féin annsan, agus is
ann bhías a nglóir.
3 Oir is marso a deir an Tighear-
na ré fearuibh Júdah agus Ierusalem ;
Brisigh súas bhur bhfearann branar, &
ná siolchuirgidh a measg dhealg.
4 Timchillghearruidh sibh féin do
Tighearna, & beanaidh dhíbh croicinn
tosuigh bhur ccroidhe, sibhsi a fheara
Iúdah, agus a áitreabhthacha Ierusa-
lem ; deagla go ttiucfadh mo dhíbh
fheargsa amach amhuil teine ; agus go
loisgfeadh iondus nach bhfeadfadh ...
neach a múchadh, do bhrígh ulc bhur
ngníomhsa.

5 Fuáig-

5 Foillsighidh sibhsi ann Iúdah, agus fógraidh ann Ierusalem, agus abruidh, Séididh an stoc annsa dúthaigh ; súa-
ghaidh cruinnighadh a ccionn a chéile,
agus abruidh, Cruinnighidh sibh féin, & téidhmís annsna caithreachaibh daingne.
6 Cuiridh bhur mbratacha súas leath re Sion, fillidh ar bhur nais, ná fui-
righidh : óir do bhéara misi olc ón tuáis-
cert, agus aidhmhilleadh mór.
7 Tháinic an leomhan a níos as a dhoire, agus atá sgriostóir na cci-
neadhach ar slighe, agus leagfuidhear do chaithreacha na bhfásach gan
áitreabhach.
8 Uime so, criosfuighidh sibh féin le
haodach rónach, caóidhigh, agus nuallui-
ghidh: óir níor hiompoigheadh fearg
uathbhásach an Tighearna uáinn ar a hais.
9 Agus tiucfa a ccrích annsa lósin,
a deir an Tighearna, go múchfuidhear
croidhe an Rígh, agus croidhe na
bprionnsadh : agus béid na sagairt an-
bhuaineach, agus budh iongnadh leis na
fáighibh.
10 Annsin a dubhairt misi, Ah a Thi-
ghearna Día, go deimhin do mheall tú
go mór na daóinesi agus Ierusalem,
ag rádh, Do gheabhthaoi síothcháin ;
ach atá a roichionn an cloidheamh
go nuige an tanam.
11 Annsa namsin déarthar ris an
bpobal só, agus re Ierusalem, gáoth
thirim as na háitibh árda annsa bhfásach
leath re hinghin mo phobail, ní do
cháthadh ní do ghlanadh.
12 Eadhon tiucfuidh gáoth is láidre
ná sin ó na háitibhsi chugamsa ; anois
fós do bhéara mé breitheamhnus na
naghaidh ;
13 Féach, tiucfa sé súas amhuil néul-
ta, & biáid a chárbuid amhuil ghaoth
ghuairdeáin : is luáithe a eachruidh na
iolair : a mhairg dhúinne, óir atámaoid
uile.
14 A Ierusalem, ionnail do chroidhe
ó urchóid, chor go saorfuighear thú ;
ó fad áiteochuid do smuaintighthe
díomhaóine a stigh ionnad ?
15 Oír foillsigh guth ó Dhan, agus
fógraidh aindeisi ó shliabh Ephraim.
16 Cuiridhsi a gcéill do na cineadha-
chaibh, féach, foillsighidh a naghaidh Ie-
rusalem, luchd faire do bheith ag teacht
ó thír imchéin, & ag tabhairt a ngotha
amach a naghaidh chaithreacha Iudah.
17 Atáid síad na haghaidh timchioll
mar luchd coimhéuduighe ma-
chaire ; do bhrígh go raibh sí easumhal
dhamhsa, a deir an Tighearna.
18 Do shlighe agus do ghníomhartha
tug na neithesi ort ; sé so holc, do
bhrígh go bhfuil sé searbh, do bhrígh
go roichionn sé go nuige do chroidhe.
19 Minnighe, minnighe, atáim ar mo
chráidh a mballuidhibh mo chroidhe :
do ní mo chroidhe fuáim ionnam, ní
fhéadaim bheith am thochd, do bhrígh
go ccúala tusa, ó a manam, guth an
stuic, graifne an chatha.
20 Do fuagradh léirscrios ar léir-
scrios, óir do creachadh an dúthaigh go
hiomlán : is obann do milleadh mo phá-
illiúin & mo chúirtíne a móiment.
21 Cá fad do chífe mé an bhratach,
agus chluinfios mé guth an stuic ?
22 Oir atáid mo dhaóine leamh, níor
aithnigheadar mé ; is clann bhruideamhuil
iad, & ní bhfuil tuicsi ar bith aca : atáid
glic chum uilc do dhéanamh, acht do
dhéanamh maitheasa ní bhfuil tuicsi
ar bith aca.
23 Dféuch mé air an ttalamh, & chea-
na do bhí sé gan chuma, & folamh : &
ar na neamhuibh, & ní raibh solus ann.
24 Do dhearc mé ar na sléibhtibh, &
féuch, do chriothnuigheadar, & do chor-
ruigheadar na huile chnoca go héadtrom.
25 Damhairc mé, agus féuch ní raibh
duine ar bith, agus do theitheadar éun-
laith a naéir uile.
26 Damhairc mé, & féuch do bhí a nait
thóirtheach na fásach, agus a caithrea-
cha uile ar na mbriseadh síos lé gnúis an
Tighearna, agus ó na fheirg thíochmhair.
27 Oír is marso a dubhairt an Tigh-
earna, Biáidh an tír go huilidh áonranach,
gidheadh ní dhéana mé críochnughadh
iomlán.
28 Is uime so chaóidhfios an talamh,
agus béid na neamha shúas dubh ; do
bhrígh go ndubhairt misi é, do thionn-
scuin mé é, agus ní budh aithreach
liom, ní mó shillfiod ar mais uadh.
29 Teithfidh an chathair go hiomlán
re tormán an mharcshluáigh, agus na
soighideóireadh súas ar na cairgibh :
tréigfighear a nuile chathair, agus ní
bhía duine na chomhnuidhe ionnta.
30 Agus cred do dhéana tú an tan
bhías tú creachta ? bíodh go néaduigh-
ionn tú thú féin le crimson, bíodh go
ndeasuigheann tú thú féin lé séudaibh
órdha, bíodh go réabann tú héadan lé
piontáil, is go díomhaóin do dhéana
tú thú féin sgíamhach ; díabeagfuid háos
grádha thú, sirfid do bhás.
31 Oír do chuala misi guth mar
mhnaoí ré niodhnaibh, & amhuil goimh
na mná bheirios a céidleanabh, guth
Dog cionta & iodholadhradh na Niúduighe, gur theilg a Ndia & a ntír fein amach go Babilón, iad.

THáinic fós bríathar an Tighearna,
chugamsa, gha radh,
2 Ní thiubbra tú bean chugad, ní mó
bhiáid mic nó ingheana agad san náitsi.
3 Oir is marso a deir an Tighearna,
a ttáobh na mac, agus a ttáobh na nin-
ghean béarthar annsa náitsi, & a ttáobh
a maithreach noch do rug iad, & a
ttáobh a naithreach do ghein iad ann
sa duthaighsi,
4 Eugfuid siad do bhásaibh doilghiosa-
cha, ní caoinfighear agus ní adhlóchthar
iad; acht béid amhuil aoileach ar ghnúis
na talmhan, agus muirfighear iad leis an
ccloidheamh, agus le gorta; agus béid a
ccuirp na mbiadh déunuibh a naiéir, &
do bheathuighibh na talmhan.
5 Oir is marso a deir an Tighearna,
Ná héirigh a steach a ttigh na cumha, &
ná héirigh dá ccaoi, nó dá ttrúalgh-
mhéile: óir do thóg misi mo shiothcháin
ón bpobalso, a deir an Tighearna, trō-
caire agus grása.
6 Eugfuidh an mór agus an beag
annsa tírsi: ní hadhlócthar iad, ní
mó chaoinfid daoine iad, nó ghearrfuid
iad féin, nó dhéanuid iad féin maol ar a
son.
7 Ní mó shiallfuid daoine iad féin ar a
son a ccumhaidh da ccomhfhurtachd ar
son na marbh, ní mó bhéuruid daoine
cupán comhfhóláis dóibh dól ar son a a-
thar nò a mathar.
8 Ní racha tú fós go tigh a nfleadha, do
shuidhe na bhfochair dithe agus dól.
9 Oir is marso a deir Tighearna na
slógh, Dia Israel: Féuch, do bhéara mé fa
deara do chosc as a náitsi ann bhur ra-
dharc, agus ann bhur láethibh, guth an
tsúgartha, agus guth na lúathgháire, guth
a nfir núadhphósta, agus guth na mná
núadhphósta.
10 Agus tiucfa a ccrích a mair lnor-
osas tú na bríathrasо uile do na dui-
nibhsi, agus a déaruidsin riotsa, Cred
far fhúagair an Tighearna an lán [illegible]
ar naghaidhne? nó créd é ar néigceart?
no cred é ar bpeacadh noch do [illegible]
mar a naghaidh an Tighearna ar
Ndía?
11 Ann sin a déara tú riu, Do bhrigh
gur thréigeadar bhur naithre mé, a deir
an Tighearna, agus gur [illegible]
a ndiáigh dée oile, agus gur [illegible]
dhóibh, agus gur onóruigheadar iad, agus
gur thréigeadar misi, agus nar choimhéa-
dadar mo dhligheadh:
12 Agus go ndearnabhairsi ul [illegible]
náid bhur naithre, (óir féuch [illegible]
gach uile dhuine aguibh do réir [illegible]
nigh a dhroch chroidhe féin, char nach
féidir léo éisteachd riomsa.
13 Uime sin teilgfidh mé as an
ttírsi sibh, go tír nach aithnid dibh féin
ná da bhur naithribh, & annsin fógh-
ontaoi do dhéeibh oile do ló agus d'oi-
che, áit nach ttaisbeanfa misi [illegible]
dhibh.
14 Ar a nadhbharsin Féuch, tiocfaid
na laethe, a deir an Tighearna, [illegible]
aibéorthar risa mhó.; Mairidh an Ti-
ghearna thug clann Israel amach a
crich na Hégipte:
15 Acht mairidh an Tighearna thug a
nios clann Israel as tír an tuaisceirt, agus
as gach uile thalamh ann ar [illegible]
iad: agus do bhéara mé a ris [illegible]
thaigh iad noch thug mé dá naithribh.
16 Féuch, cuirfe mé fios ar mhórán
iasgaireadh, a deir an Tighearna, agus
géabhuid siad iad; agus na [illegible]
cuirfidh mé fios ar mhórán sealgaireadh,
do dhéanuid a bhfiadhach ó gach uile
shliabh, agus ó gach uile chnoc, agus a
mach as polluibh na ccarrac.
17 Oir atáid mo shúile ar a [illegible]
shlighthibh: ní bhfuilid a bhfolach óm
ghnúis, ní mó atáid a ccionta a bfolach
ar mo shúilibh.
18 Agus an chéaduáir, cúiteocha mé a
néigceart, agus a bpeacadh, [illegible];
do bhrígh gur thruáilleadar mo dhú-
thaigh, do líonadar moighreacht le con-
blachuibh a neitheann adhfhúathmhar
ngráineamhuil.
19 O a Thighearna mo neart agus mo
dhaingion,

[illegible], agus mo chúil dhldin a ló na
[illegible], tiucfaid na geintidhe chu-
[illegible] ó theórannuibh na talmhan, agus a
[illegible], Go deimhin do ghabhadar ar
[illegible] oighreacht na mbréug, an díomh-
[illegible], agus neithe gan tairbhe.
20 An ndéana duine dée dhó féin,
[illegible] nach dée iad ar áonchor ?
21 Ar a nadhbharsin, feuch, do bhéara
[illegible] orra a nuairse aithniughadh, do bhéa-
[illegible] orra mo lámh & mo neart daith-
[illegible], agus aitheonuid siad gur bé
[illegible] Tighearna mainm.

CAIB. XVII.

[illegible] amrath, dóchus do chur a nduine, 9 no a croidhe cealgach.

ATá peacadh Júdah ar na scríobh-
adh lé péann iaruinn, agus lé
[illegible] diamond : atá sé greanta ar chlár
[illegible] croidhe, agus ar chorruibh bhur
[illegible] :
2 An feadh chuimhnighid a cclann ar
[illegible], agus air a ngarránuibh
[illegible] crannuibh glasa ar na cnocaibh
[illegible].
3 O mo shliabh annsa mhagh, do bhéa-
[illegible] do mhaóin agus do shaidhbhrios
[illegible] don chreich, agus háite árda chum
[illegible], ar fad do théorann uile.
4 Agus deileochthar thusa, thusa féin
[illegible], noch thug misi dhuit,
[illegible] do bhéara mé ort foghnamh dot
[illegible] annsa tír nach feas duit : óir
[illegible] teine ann mfeirg loisgfios
[illegible] bith.
5 Is marso a deir an Tighearna,
[illegible] mallnighthe an fear dhoth-
[illegible] a nduine, agus do ní a neart
[illegible], agus agá nimthighionn a chroidhe
[illegible] Tighearna.
6 Oir biáidh sé cosmhuil ris an
[illegible] annsa bhfásach, & ni fhaicfidh
[illegible] thiucfas maith, acht áiteoch-
[illegible] sé na háite dóite annsa bhfásach,
[illegible] shailte agus gan áitreabh.
7 Is beannuighthe an duine dhóthchus-
[illegible] annsa Tighearna, agus gur bé
[illegible] Tighearna a mhuiníghinn.
8 Oir biáidh sé amhuil crann plann-
[illegible] láimh ris na huisceadhuibh, a-
[illegible] amach a fhréamha láimh
[illegible], & nach bhfaicfidh a nuair
[illegible], agus biáidh a dhuille
[illegible] agus ní bhíáidh cúramach a mblia-
[illegible] tarta, ni mó scuirfios sé do
[illegible] toruidh.
9 Atá an croidhe cealgach ós cionn
[illegible] neithe, agus ro urchóideach,
[illegible] a fhios do bheith áige ?
10 Misi an Tighearna, scrúduim an
[illegible], dearbhuim na dubháin, eadhon
do thabhairt dá gach uile dhuine do
[illegible] a shlighteach, agus do réir toruidh
[illegible].
11 Amhuil luighios an phatruisc air
[illegible], agus nach gcuirionn iad ;
[illegible] an té do gheibh saidhbhrios, a-
[illegible] nach lé ceart, fáigfidh sé iad a
lár a láetheadh, agus iona chrích dhei-
ghionuigh biáidh sé na amadán.
12 Is cathaóir árd ghlórmhar ó tho-
sach áit ar sanctóra.
13 O a Thighearna, a dhóthchuis Is-
rael, biáidh náire ar gach a ttréigionn
thusa, & na daoine dheileochus riom-
sa béid scriobhtha annsa talamh, do
bhrígh gur thréigeadar an Tighearna,
tobar na nuisgeadh mbeó.
14 Slánuigh mé, a Thighearna, agus
biáidh mé slán ; saor mé, agus biáidh
mé saortha ; óir is tú mo mholadh.
15 Féuch, a deirid síad riomsa, Cáit
a bhfuil briathar an Tighearna ? tigeadh
sí a nois.
16 Ar mo shonsa níor dheifrigh mé
ó bheith am aodhaire dot leanmhuinsi,
ní mó do thoiligh mé an lá mairgneach,
atá a fhios agadsa : do bhí an ní
tháinic amach as mo bhéul ceart ad
fhiaghnuisi.
17 Ná bí ad úathbhás dhamhsa, is tú
mo dhóthchus a ló a nuilc.
18 Claóidhtear an drong inghreamas
mé, acht ná claóidhtear misi : lioth-
uighthear iadsan, acht ná liothuighthear
misi : tabhair lá a nuilc orrasan, agus
sgrios iad lé sgrios dúbalta.
19 Is marso a dubhairt an Tighear-
na riomsa, Imthigh, agus seas a ngeata
chloinne an phobail, iona ttigid Rígh-
the Júdah a steach, agus iona ttigid
amach, agus a ngeatadhuibh Jerusa-
lem uile.
20 Agus abair ríu, Eistigh ré bréi-
thir an Tighearna, sibhsi a Ríghthe
Júdah, agus a Júdah uile, agus a uile
áitreabhthacha Jerusalem, noch théid
a steach annsna geatadhuibhsi.
21 Is marso a deir an Tighearna,
Tugaidh aire dhíbh féin, agus ná hiom-
chraidh úalach a ló na saóire, agus ná
tugaidh a steach a ngeatadhuibh Je-
rusalem iad.
22 Agus ná hiomchraidh úalach a-
mach as bhur ttighthibh a ló na saóire,
agus ná déanuidh obair ar bith, achd
naomhuighidh lá na saóire mar do aithin
misi dá bhur naithribh.
23 Acht níor áontuigheadarsan, agus
níor chláonadar a ccluás ; acht do
rinneadar a muinéil seasmhach, chor
nach ccluinfidis, agus nach géabhaidís
teagasc.
24 Agus tiucfaidh a ccrích, má éisti-
ghe go dúthrachtach riomsa (a deir an
Tighearna) gan úalach do bhreith thríd
gheatuidhibh na caithreachso a ló na
saóire, acht lá na saóire do náomhadh
gan obair ar bith do dhéanamh ann :
25 Annsin rachuidh a steach a ngea-
tadhuibh na caithreachso Ríghthe agus
prionnsuidhe, ag suidhe ar chathaóir
Dháibhi, ag marcuigheachd a ccarba-
daibh, & ar eachaibh, iad féin & a bpri-
onnsadha, fir Júdah, agus áitreabhthacha
Jerusalem ; & fanfuidh an chathairsi
go bráth.

26 Agus

26 Agus tiucfuid ſiad ó chaithreach-
aibh Júdah, agus ó na háitibh timchioll
Jeruſalem, agus ó fhearann Bhenjamin,
agus ón réiteach, agus ón tſliabh, agus
ón deiſceart, ag tabhairt ofrálach loiſ-
ge agus íodhbarthach léo, agus ofrálach
bhidh agus túis, agus ag tabhairt íodh-
barthach molta go tigh an Tighearna.
27 Acht cheana muna néiſtighſe
ríomſa do náomhadh laé na ſaóire, agus
gan úalach diomchur ag dul a ſteach a
ngeatadhuibh Jeruſalem a ló na ſaóire:
annſin deargfa mé teine iona geatadh-
uibh, agus loiſgfidhſi pálás Jeruſalem,
agus ní múchfuighear í.

CAIB. XVIII.

Gu bhfuil an duine a nláimh Dé, mar an chriadh a nláimh an photadóra.

AN bhriathar noch tháinic go Jere-
miah ón Ttighearna, gha rádh,
2 Eirigh, imthigh ſíos go tigh an
photadóra, annſin do bhéara mé ort
mo bhríathra do chlos.
3 Annſin do chuáidh mé ſíos go
tigh an photadòra, agus doibrigh ſé
obair ar na roithléanuibh.
4 Agus do milleadh an ſoitheach do
rinne ſé do chriáidh, a láimh an pho-
tadóra; annſin do rinne ſé a rís é na
ſhoitheach oile, mar do chonncus don
photadòir a dhéanamh.
5 Annſin tháinic bríathar an Tigh-
earna chugamſa, gha rádh,
6 O a thigh Iſrael, nach bhféad-
uimſi a dhéanamh ribhſi, mar an bpo-
tadóir, a deir an Tighearna! féuch,
martá an chré a láimh an photadóra, is
marſin atáthaóiſe am láimhſe, a thigh
Iſrael.
7 Gidh bé am a laibheora mé a
ttaobh chinidh, & a ttáobh ríoghachd,
do tharruing ſúas, agus do leagadh
ſios, agus dá ſcrios:
8 Má fhilleann an cineadhſin, a na-
ghaidh ar fhúagair mé, ó na nolc, biáidh
aithreachus orumſa ó nolc do bhreath-
nuigh mé do dhéanamh na naghaidh.
9 Agus gidh bé am a laibheora mé
a ttáobh chinidh, agus a ttáobh riogh-
achda, dá ccur ſúas agus dá bplann-
dughadh:
10 Má ní ſin olc ann mo radharcſa,
nach uimhleochuid dom ghuth, annſin
biáidh aithreachus orum ſan maith le
ndubhairt mé go ndéanuinn tarbha
dhóibh.
11 Déana a nois ar a nadhbharſin,
labhair ré fearuibh Júdah, & ré háitreabh-
thachaibh Jeruſalem, gha rádh, Is mar
ſo a deir an Tighearna, féuch, do chum
mé olc ann bhur naghaidhſi, & do thi-
onnſcuin mé ſmuáintighthe ann bhur na-
ghaidh: fillidh anois gach uile dhuine
aguibh ó na dhroichſhlighe, & déanuidh
bhur ſlighthe & bhur ngníomha maith.
12 Agus a dubhradarſan, Ní bhfuil
dóigh ar bith aguinn, acht imeocham do
réir ar ttoile féin, & do dhéana gach áon
do réir bhreathnuighthe a droch
chroidhe féin.
13 Uimeſin is marſo a deir an Tigh-
earna, Fiafruighidhſe a nois a meaſg na
ngeinteadh, cia chualaidh a leithéid
ſo do neithibh? do rinne maighdean
Iſrael ní ro adhfhuathmhar.
14 An bhfuigſe duine mo mhaghſa ar
charruic, nó ar ſhneachda Lebanon? an
ttréigfighear na huiſgeadha reatha, ar
ſon na nuiſceadh bhfuar ccoimhigh-
theach, thig as áitibh oile?
15 Do bhrígh gur dhearmuid mo phó-
bal mé, do loiſgeadar túis le diomh-
aóineas, agus thugadar orra tuiſleadh
iona ſlighthibh as na ſeanchaſánuibh,
do ſhiubhal a ccaſánuibh ſligheadh nár
teilgeadh ſúas;
16 Do dhéanamh a ndúithche uáig-
neach, & na ſgige bhiothbhúan: biaidh
gach áonduine dá ngéabha re na taobh
lán diongnadh, & croithfidh á cheann.
17 Scabfuidh mé íad mar bedh leis an
ngaóith a noir roimhe an námhaid:
taisbeanfuidh mé an cúl dóibh agus ní
hí a naghaidh a ló a ttrúaighmhéile.
18 Annſin a dubhradarſan, Tigidh &
déanam comhairle a naghaidh Jere-
miah: óir ní mhughochuidh an dligh-
eadh ón tſagart, nó comhairle ó neag-
nuidhe, nó an bhríathar ón bhfáidh:
tigidh, agus buáiliom é leis an tteang-
aidh, agus ná tugam aire déanfhocal dá
bhríathruibh.
19 Tabhairſe aire dhamhſa, a Thigh-
earna, agus éiſt ré guth na droinge
cheannairgios riom.
20 An ccúiteochthar maith le holc!
óir do thochladar poll dom anam:
cuimhnigh gur ſheas mé ad fhiadhnaiſe
do labhairt maithioſa ar a ſon, dom-
pógh thfeirgeſi úatha.
21 Ar a nadhbharſin ſeachuid ſiúd a
cclann don ghorta, agus dóirt amach a
bhfuil lé neart an chloidhimh, agus
folmhuighthear a mná ſa na cclonn, &
bídis na mbaintreabhachuibh, & cur-
thear a bhfir chum báis, marbhthar a
ndaóine óga leis an ccloidheamh ſa
ccath.
22 Cluintear comhairc as a ttigh-
thibh, a nuáir do bhéara tuſa díorma go
hobann orra: óir do thochladar ſlo-
chis dom ghabhháilſi, agus dfoluighe-
dar líonta dom choſuibh.
23 Gidbeadh a Thighearna, atá ſiúd a
ccomhairle uile agad am aghaidhſi dom
mharbhadh: ná maith a néigceart, agus
ná ſcrios a bpeacadh amach as do radh-
arc, acht madhmuighthear íad ad fhí-
adhnuiſi, déan marſo ríu a naimſir
thfeirge.

CAIB. XIX.

Tairrgir ar ghorta, & chlaoi nuathbhaſach na Niuduigheadh.

IS marſo a deir an Tighearna, Im-
thigh, agus fagh buidéal críadh pota-
dóir

dair, agus glac do sheanóiribh an pho-
bail, agus do sheanóiribh na sagart,
2 Agus imthigh amach go gleann
mhic Hinnom, noch atá aig dul a steach
na gheata shoir, agus fúagair annsin na
briathra inneosas misi dhuit.
3 Agus abair, éisdighsi briathra an
Tighearna, a Righthe Júdah agus a
áitreabhthach Jerusalem; is marso a deir
Tighearna na slógh, Día Israel, féuch
Do bhéara mé olc air a náitsi, noch
gibh bé ar bith chluinfios, tormánfuid
a chlúasa.
4 Do bhrigh gur thréigeadar misi,
agus go ndéarnadar a náitse coimhigh-
each, agus gur loisgeadar túis innte
do dhéeibh oile, noch nár bhaithnid
dóibh féin nó dhá naithribh, nó do
Righthibh Iúdah, agus gur lionadar a
náit lé fuil neimhchiontuigh.
5 Do chuireadar súas fós áite árda Bha-
al do loscadh a mac lé teine mar
ofrála loisge do Bhaal noch nach ar áithi-
n misi, agus nach ar labhras, agus
nach ttáinic ann minntinn.
6 Ar a nadhbharsin féuch, tiucfuid na
laethe, a deir an Tighearna, nach goir-
fear Tophet do náitsi ní sa mhó,
na gleann mhic Hinnom, achd gleann a
áir.
7 Agus do dhéana mé comhairle Júdah
& Jerusalem diomhaóin annsa náitsi, &
do bhéara mé orra tuitim leis an ccloidh-
eamh roimhe an námhuid & lé láimh na
druinge iarrus a mbás, & do bhéara mé
a ccuirp dá mbéith na mbíadh ag éunnibh
a naéir, agus ag beathuighibh na tal-
mhan.
8 Agus do dhéana mé an chathairsi
uaigneach, agus na sgige: líghfidh gach
uile dhuine dá ngéabha thairis, agus
do dhéana sé sgige do bhrígh a huile
phlaghasan.
9 Agus do bhéara misi orra feóil a
mac dithe, agus feóil a ninghean, agus
íosfaidh gach uile dhuine dhíobh feóil a
charaid annsa champa, agus annsa chréa-
dhaig lé ccuimhgeochuid an námhuid,
agus an drong íarrus a mbás, orra.
10 Annsin brisfidh tù an búidéal a
radharc na ndaóine théid leat,
11 Agus a déara tú ríu, Is marso a
deir Tighearna na slógh, eadhon is marso
bhrisfios mé an pobalso, agus an chath-
airsi mar bhrisios neach soightheach an
photadóra, nach féidir a dhéanamh slán
arís, agus adhlocuid síad ann Tophet,
nó go raibh gan áit adhluicthe ann.
12 Is marso do dhéana mé ris a náitsi,
a deir an Tighearna, agus ré na háit-
reabhthachaibh, agus do dhéana mé
fós a ccathair mar Thophet.
13 Agus saileochthar tighthe Ieru-
salem, agus tighthe Ríghthe Iúdah mar
áit Tophet ar son na nuile theagh dar
loisgeadar túis ar a mulladhuibh do
shlúagh neimhe uile, agus ar dhóirteadar
amach ofrála dighe do dhéeibh oile.
14 Annsin tháinic Ieremiah ó Tho-
phet, mar ar chuir an Tighearna é
dfaigheadóireacht, agus do sheas sé a
ccúirt thighe an Tighearna, agus a
dubhairt sé ris an bpóbal uile,
15 Is marso a deir Tighearna na
slógh Día Israel, féuch, do bhéara mé
ar an ccathruighsi, & air a bailtibh uile,
a nuile olc dár fhúagair mé na haghaidh:
do bhrígh gur chrúadhuigheadar a múin-
éil, chor nach ccluinfidís mo bhríathra.

CAIB. XX.

Tairrghir um bhás phassur; neach do bhuáil Ieremiah & chuir a ncip é; 7 le gearan Ieremiah.

ANois do chúaluidh Passur mhac
Immer an sagart, noch do bhì fós
na phriomhúachtarán a ttigh an Tigh-
earna, gur thairrghir Ieremiah na nei-
thesi.
2 Annsin do bhuáil Passur an fáigh
Ieremiah, agus do chuir sé annsna cip é
do bhí a nairdgheata Bheniamin, noch
do bhí láimh ré tigh an Tighearna.
3 Agus tárla ar na mhárach go ttug
Passur Ieremiah amach as na cip; ann-
sin a dubhairt Ieremiah ríu, Ní Passur
do ghoir an Tighearna dainm dhiot,
acht Magor-Missabib.
4 Oir is marso a deir an Tighearna,
féuch do dhéana mé úathbhás diot dhuit
féin, & dot cháirdibh uile, agus tuitfid
síad lé ccloidheamh a námhad, agus do
chifid do shúilesi sin, agus do bhéara mé
Iúdah uile a láimh Rígh na Babilóine, &
muirfidh sé íad leis an ccloidheamh.
5 Seachóduigh mé fós neart na caith-
reachso uile, agus a huile shaothar, agus
a huile neithe mórluáigh, agus uile
ionnmhus Rígh Iúdah do bhéara mé
a láimh a námhad, noch chreachfus íad,
agus ghlacfus íad, agus bhéarus léo don
Bhabilóin íad.
6 Agus racha tusa a Phassur, agus an
mhéid chomhnuigheas ann dó thigh a
mbraighdionas, agus racha tú don Bha-
bilóin, agus annsin do gheabhair bás, &
is ann hadhlócthar thú, thú féin, agus do
cháirde uile, dar thairrghir tú bréaga.
7 O a Thighearna do mheall tú mé,
agus do bhí mé meallta: is treise thú
ná misi, agus rug tú buaidh: atáim
a ttarcuisne gach áonlá, bí gach uile
dhuine ag magadh orum.
8 Oir ó nam ar labhair mé, do ghoir
mé go hárd, do ghoir mé éigion agus
dioghbháil: do bhrígh go ndéarnadh
masla dhamhsa do bhréithir an Tigh-
earna, agus magadh láetheamhuil.
9 Ann sin a dubhairt mé, Ní thiucfa
mé thairis, & ni laibhéora mé ní sa mhó
iona ainm. Acht do bhí a fhocal am
chroidhe amhuil teine loisgneach iadhta
súas am chnámhuibh, & do bhí mé coirthe
le hiomchar, & níor fhéud mé fuireach.
10 Oir do chúala mé míochlú mhóráin,
eagla air gach áon taóibh; Aithris, a
deirid síad, agus aithreosaimne é:

atá mo lucht aitheanta uile ag foraire air
mo bhacuighe, gha rádh, Do bféidir go
meallfuidhe é, agus béuruimne buáidh
air, agus do dhéanam ar ndioghaltas air.
11 Acht atá an Tighearna liomsa mar
ſon cumhachtach úathbhásach: uime-
ſin tuiſlighfid luchd minghreama, agus
ní bhéuruid buáidh, agus biáidh náire
mhór orra: óir ní bhéuruid ſiad biſeach,
ní dearmodthar go bráth a milleadh
ſíorruidhe.
12 Acht a Thighearna na ſlógh dhear-
bhus an ſíréun, agus do chi na dubh-
áin, agus an croidhe, faicim do dhío-
ghaltas orra: óir as duit doſcuil mé
mo cháis.
13 Canuidhſi don Tighearna, moluidh
an Tighearna; óir do ſháor ſé anum
an bhoichd ó láimh luchd déanta a nuilc.
14 Go madh malluighthe an lá iona
rugadh mé, narab beannuighthe an ló a
rug mo mháthair mé.
15 Go madh malluighthe an té thug
ſcéula chum mo athar, gha rádh, Rugadh
leanamh mic dhuit; agá dhéanamh ro
lúathgháireach.
16 Agus bíodh an fearſin mar ná cai-
threachaibh do ſcrios an Tighearna,
agus nach déarna aithrighe: agus clui-
neadh ſé an chomhairc ar maidin, agus
an gháir ſan meadhón laoi.
17 Do bhrígh nar mharbh ſé miſi ón
mbroinn: nó go mbeith mo mhathair
na huáigh agam, agus a brú do
bheith torrach orum a ccomhnuidhe.
18 Cred ſá ttáinic mé amach as an
mbroinn dfaicſin ſaóthair agus doilghis,
chor go ccríochnochthaói mo láethe
maille re náire.

CAIB. XXI.

Diarr Jeremiah ó Dhia, ar an bpobal umhlughadh do Nebuchadreſar, neach ar iadh le campa iad.

AN focal noch tháinic chum Jeremiah
ón Ttighearna, a nuair do chur
an Rígh Sedeciah chuige Paſſur mhac
Melchiah, agus Sephaniah mhac Ma-
aseiah an ſagart, gha rádh,
2 Ceaſtuigh, iarruim dathchuinge
ort, ris an Ttighearna air ar ſoinne
(óir atá Nebuchadreſar Rígh na Babi-
lóine ag déanamh cogaidh oruinn) má ní
an Tighearna rinn do réir a uile oibreach
iongantach, go rachuidh ſé ſúas uáinn.
3 Annſin a dubhairt Jeremiah ríu, Is
marſo a déarthaói re Sedeciah,
4 Is marſo a deir an Tighearna Día
Iſrael, Féuch, fillfidh mé ar ais na
hairm chogaidh atá an bhur lámhuibh lé
ttroidthí a naghaidh Rígh na Babilóine,
agus a naghaidh na Ccaldeánach, noch
fhaighios bhur dtimchioll ttaobh amuigh
do na balladhuibh, agus cruinneocha
mé iad a iár na caithreachſo.
5 Agus troidfidh mé féin bhur nagh-
aidh maille ré láimh ſínte amach, agus
le rígh láidir, a bhfeirg, a mbuile, agus
a bhfeirg mhóir.
6 Agus buáilfidh mé muintir na cai-
threachſo idir dhuine agus bheathach:
do gheabuid ſiad bás do phláigh mhóir.
7 Agus na dhiáigh ſin, a deir an Ti-
ghearna, ſeachóduigh me Sedeciah Rígh
Júdah, agus a ſheirbhíſigh, agus na
daoine, & an mhéid do ſágbhadh annſa
chathruighſi ón bpláigh, ón ccloidheamh,
agus ón ghorta, a láimh Nebuchadreſar
Rígh na Babilóine, agus a láimh a
námhad, agus a láimh na ndaóine iarras
a mbás, agus buáilfidh ſé iad le faobhar
an chloidhimh: ní choigeoluidh ſé iad,
ní mó bhías truáighe nó trócaire aige
dhóibh.
8 Agus a déara tú ris an bpobalſo,
Is marſo a deir an Tighearna, Féuch, do
chuir mé romhuibh ſlighe na beatha,
agus ſlighe an bháis.
9 An té fhanfas annſa chathruighſi,
éugfuidh ſé ris an ccloidheamh, agus ris
an ngorta, agus ris an bpláigh; acht
mairfidh an té rachas amach, & thuit-
fios chum na Ccaldeánach chuirfea-
ghios oruibh, agus biáidh a bheatha ai-
geſion mar éadáil.
10 Oir do chuir miſi maghaidh a
naghaidh na caithreachſo chum uilc, &
ní chum maitheaſa, deir an Tighearna:
do béarthar a láimh Rígh na Babilóine
í, agus loiſcfidh ſé í lé teine.
11 Agus do tháobh tighe Rígh Jú-
dah, éiſtigh breithir an Tighearna.
12 A thigh Dháibhi, is marſo a deir
an Tighearna, Déan breitheamhnus a
maidin, agus tárthuigh an té do mill-
eadh, amach as láimh an mhilltigh,
deagla go rachadh mfearg amach mar
uil teine, agus go loiſgfeadh chor nach
bhfeadfadh áonduine a múchadh, do
bhrígh uilc bhur ngníomh.
13 Féuch, atáim ad aghaidh, a ái-
reabhuigh an ghleanna, agus charrge
an réitigh, a deir an Tighearna; noch a
deir, Cia thiucfas a nuas ar naghaidh!
nó cía rachus ann ar ttighthibh?
14 Acht ſmaichteocha mé ſibh do
réir ſochair bhur ngníomh, a deir an
Tighearna: agus lasfa mé teine iona
fhoraoiſſin, agus loiſgfidh ſé a mbeil ní
na thimchioll ſa ccuáirt.

CAIB. XXII.

Combairle attaobh leanmhuin na cóire; ... is buaine, 10 no fuil ... 13 ... ach, 20 no neart Rí.

IS marſo a deir an Tighearna, Imthigh
ſíos go tigh Rígh Júdah, agus
labhair an focalſa annſin,
2 Agus abair, Eiſt briathra an Tigh-
earna, a Rígh Júdah noch ſhuigheas
ar chathaóir Dháibhi, thuſa, agus do
ſheirbhíſigh, agus do mhuintir thig a
ſteach annſna geatadhaibh.
3 Is marſo a deir an Tighearna,
Déanuidh breitheamhnus, agus fírea-
tachd, agus ſaoruidh an díoghbhálach
as láimh an díbhfheirgidh: agus na

deanuidh éagcóir, na deanuidh éigion ar
an coimhthigheach, ar an ndílleachda,
nár an mbaintreabhuigh, agus ná dóir-
tidhe fuil neimhchiontach annſa náitſi.
4 Óir má níthí an niſe dhá ríribh,
annſin tiucfa a ſteach a ngeatadhuibh
a tighesi, Ríghthe ag ſuidhe ar chath-
aír Dháibhi, ag marcuigheacht a gcar-
buidibh, agus ar eachuibh, é féin, agus a
[illegible], agus a mhuintir.
5 Acht muna néiſtidhe na bríathraſo,
[illegible]ghim thríom fein, a deir an Ti-
ghearna, go mbía an tighſe na fháſach.
6 Óir is marſo a deir an Tighearna
re tigh Rígh Júdah; Is tú Gilead agam-
ſa, agus ceann Lebanon; acht go dei-
mhin do dhéana mé fáſach dhíot, & cai-
treacha ann nach biáidh áitreabhadh.
7 Agus gléusfa mé millteóiridhe ad
aghaidh, gach uile dhuine le na airm,
& gearrfaid ſiad ſios do ſhéadair togh-
tha, agus teilgfid ſan teine íad.
8 Agus géabhuid mórán fineadhach
tar an ccathraighſi, agus a déaruid ſiad
gach aonduine re na chomharſain, Cred
í ndéarna an Tighearna marſo ris an
ccathruigh mhóirſi?
9 Annſin freagoruid ſiad, Do bhrígh
gur thréigiodar cunnradh an Tighear-
na a Ndía, agus gur adhradar dée oile,
agus go ndéarnadar ſeirbhís dóibh.
10 Ná guilidhſi arſon an mhairbh,
agus ná caóinidh é, acht guilidh go
géar ar ſon an té imthighios: óir ní
[illegible] ſé ní ſa mhó, ní fhaicfidh
ſé a thír dhúthaigh.
11 Óir is marſo a deir an Tighear-
na a ttaobh Shallum mhic Joſiah Rígh
Júdah, noch do ríoghaidh a náit Joſiah
a athar, noch do chuaidh as a náitſi, Ní
fhillfidh ſé ann ní ſa mhó.
12 Acht do gheabha ſé bás annſa náit
[illegible]adar a láimh é, agus ní fhaicfidh
ſé an tírſi ni is mhó.
13 A mhairg don tí do ní foirgneadh
a thighe re héicceart, & a ſheomradha
[illegible]ccóruibh; ghlacus ſeirbhís a chomh-
[illegible] gan túarastal, agus nach ttabhair
dó ar ſon a ſhaothair:
14 Noch a deir, Do dhéana mé dhamh
[illegible] fairſing, agus ſeomradha leathna,
agus ghearras fuinnéoga amach dhó, a-
gus chumhduighios le ſeadar é, agus
[illegible]ndealas é lé Bhermilion.
15 An mbía tú ad Rígh do bhrígh go
[illegible]dhuighionn tú thú féin ann ſéadar?
nach ar ith, agus nach ar ibh hathair?
agus nach déarnuidh ſé breitheamhnus,
agus ceart; annſin do bhádhas go maith
aige?
16 Do rinne ſé breitheamhnus ar
[illegible] an bhoicht, agus a neasbhuighidh,
annſin do bhádhas go maith aige: nach
ar bhé ſo miſi daithniughadh, a deir
an Tighearna?
17 Acht ní bhfuilid do ſhúileſi,
na do chroidhe, achd ar ſon do ſhainte
féin, agus do dhórtadh fola neimhchion-
tuighe, agus chum ſáruighthe, agus ſoir-
éigin do dhéanamh.
18 Uimeſin is marſo a deir an
Tighearna a ttaobh Jehoiacim mhic
Joſiah Rígh Júdah, Ní chaoinfid ſiad é,
Uch a dhearbhráthair, nó uch a dheirbh-
ſhiur: ní chaoinfid ar a ſhon, uch a
Thighearna, nó uch a ghlóirſion.
19 Adhlócthar é le hadhlacadh aſ-
ſail ar na tharruing agus ar na theil-
gion amach tar gheatadhuibh Jeruſa-
lem.
20 Imthigh ſúas go Lebanon, agus
éigh, agus tóig ſuas do ghuth ann Baſan,
agus comhairc ó na ſlighthibh: óir do
ſcrioſadh háos grádha uile.
21 Do labhair miſi riot ann do
ſhonus, acht a dubhairt tú, Ní éiſtfidh
mé; do bé ſo do bhéaſa ód óige, nach
ar umhluigh tú dom ghuth ſa.
22 Ioſuidh an gháoth ſúas hinnbhior
uile, agus imeochuid háos grádha a
mbraighdionas: go deimhin annſin bi-
áidh tuſa náireach, agus claoidhte ar
ſon huile chiontadh.
23 O áitreabhach Lebanon, do ní
do nead a ſéadruibh, cíodh a ghráſamh-
la bhías tú a nuáir thiucfas na doigh-
the ort, an phían amhuil bean ré niodh-
nuibh?
24 Fa mar mhairim a deir an Ti-
ghearna, gidh go mbíadh Coniah mhac
Jehoiacim Rígh Júdah na ſhighnéd ar mo
dheaſláimh, thairis ſin do thairreongainn
as ſin thú.
25 Agus do bhéara mé thú a láimh
na muintire íarrus do bhás, agus a láimh
na druinge a bhfuil eagla a ngnúiſe
ort, eadhon a láimh Nebuchadreſar
Rígh na Babiloine, agus a láimh na
Cealdéanach.
26 Agus teilgfidh mé amach thú, agus
do mhathair noch do rug thú go tír
oile nach innte rugadh thú, agus annſin
do gheabhthaói bás.
27 Acht ní fhillfid ſiad chum na
tíre ionar mían léo filleadh.
28 An é an fearſo Coniah an tiodh-
al briſte tarcuiſneach? an ſoitheach gan
dúil ar bith ann é? cred as ar teil-
geadh amach iad, é féin, & a ſhliocht,
agus ar teilgeadh iad don tír nach
aithnid dóibh.
29 O a thaluimh, a thaluimh, a thal-
uimh, cluin briathra an Tighearna.
30 Is marſo a deir an Tighearna,
Scríobhuidhſi an fearſo gan chlaian, duine
nach béara biſeach iona láethibh; óir
ni budh deighbhiſigh aoinneach dá ſhlí-
ochd, ag ſuighe air chathaoir Dháibhi,
& ag ríaghlughadh ní as mó ann Júdah.

CAIB. XXIII.

Cruinneochaidh Dia ſuighioll a threada,
4 agus cuiridh buachaille os a ccionn,
5 & Críoſd na ard-aodhaire.

AMhairg do na háodhairibh ſgrioſas
& ſgabus caóirigh mínbhir, a deir
an Tighearna. 2 Uime-

2 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Dia Israel a naghaidh na náo-
dhaireadh bhíathas mo phobal, Do sca-
pabhair mo thréud, & do dhíbreabhair
seachad iad, agus níor fhiosruigheabhair
iad; féuch, digheola misi oruibhsi uilc
bhur ngníomh, a deir an Tighearna.
3 Agus cruinneocha mé fuighioll mo
thréada as gach uile thír ann ar dhíbir
mé iad, agus do bhéara mé a rís iad dá
máinreachaibh, agus béid síolmhar, agus
foirlíonfuid siad.
4 Agus cuirfe mé súas áodhaireadh
ós a ccionn, noch bheathochus iad, a-
gus ni bhéid eaglach ni sa mó, ni bhéid
anbhfann, & ni bhiáidh easbhuigh orra,
a deir an Tighearna.
5 Féuch, tiucfaid na láethe, a deir
an Tighearna, iona ttoigfe mé do Dhái-
bhi beangán fíréunta, agus ríghfidh
Rígh, agus béara sé buáidh, agus do
dhéana sé breitheamhnus & ceart annsa
talamh.
6 Táirtheóchthar Júdah iona láethibh-
sion, agus coimhneochuidh Israel a
ndóthchus: agus isé so ainm re ngoirfi-
ghear é; An Tighearna ar bhfíréun-
tacht.
7 Agus ar a nadhbharsin féuch, tiuc-
faid na laethe, a deir an Tighearna,
nach aibeoruid siad ní sa mhó, Mairidh
an Tighearna, noch thug a níos clann
Israel as crích na Hégipte.
8 Acht mairidh an Tighearna, noch
thug a níos, agus do thréoruigh sliochd
tighe Israel amach as an dtír thuáigh, a-
gus as gach uile thíortha ionar dhíbir
mé iad, agus coimhneochuid siad
iona ndúithche féin.
9 Atá mo chroidhe ionnam a sligh
briste, do bhrígh na bhfáigh, criothnui-
ghid mo chnámha uile; is cosmhuil ré
fear meisce mé, & is cosmhuil re fear noch
do chlaóidhigh fíon, mé; do bhrigh an
Tighearna, agus do bhrigh bhriathar
a náomhthachta.
10 Oir atá an fearann lán dadhal-
trannachaibh; óir caóidhigh an tír do
bhrigh mionnadh: do tiormuigheadh súas
áit mhianghusach a nfásaigh, agus is olc a
ccúrsa, agus ni ceart a neart.
11 Oir atá an fáigh, agus an sagart
araon neimhdhiadha, aseadh ann mo
thigh fuáir mé a néigceart, a deir an
Tighearna.
12 Ar a nadhbharsin biáidh a slighe
dhóibh, amhuil slighthe sleamhna annsa
dorchadus: dibeorthar ar a naghaidh
iad, agus tuitfid annsin; oir do bhéara
misi olc orra, eadhon bliadhuin a bhféu-
chana; a deir an Tighearna.
13 Agus do chonnairc mé amadánacht
a bhfáighibh Shamária, do thairrghirea-
dar tre Bhaal, agus thugadar ar mo
phobal Israel earráid do dhéanamh.
14 Do chonnairc mé fós a bhfáighibh
Jerusalem ni adfhúathmhar, do níd a-
dhaltrannas, siubhluighid a mbréagu bh,
neartuighid fós lámha lucht na mighní-
omh, go nach bhfillean áonduine ó na olc:
atáid uile dhamhsa amhuil Sodom, & a
háitreabhthuigh amhuil Gamorrah.
15 Uimesin is marso a deir Tighearna
na slógh a ttáobh na bhfágh, Féuch, bea-
thocha mé iad lé murmónta, & do bhéa-
ra mé orra uisge domblais dól; óir do
chuáidh neimhdhiaghachd amach ó fháí-
ghibh Jerusalem tres an dúthaigh uile.
16 Is marso a deir Tighearna na slógh,
Ná héisdigh re bríathruibh na bhfáigh
thairrghirios dibh: do níd siad do-
mhaóin sibh, labhruid sis a ccroidhe féin,
agus ní has béul an Tighearna.
17 A deirid siad a ccomhnuidhe ris
a ndruing tharcuisnighios mé, A de-
bhairt an Tighearna, do gheabhthaoi
síothcháin; agus a deirid siad re gach
aon dá siubhluighionn do réir smuái-
neadh a chroidhe féin, Ni thiucfuidh olc
ar bith oruibh.
18 Oir cia sheas a ccomhairle an Ti-
ghearna, & do chonnairc, & do chúaluidh
a bhríathar? cia chomharthuigh a bhría-
thar? agus do chúaluidh í?
19 Féuch, do chuáidh gáoth ghuár-
déain amach ón Tighearna a ndibh-
fheirg, eadhon gaoth gharbh ghuárdéain:
tuitfidh sí go doilghiosach ar cheannaibh
na ndrochdhaóine.
20 Ni fhillfidh fearg an Tighear-
na nó go ccríochnuighidh sé, agus go
ccoimhlíonuidh sé smuáintighthe a chroi-
dhe: measfuidhesi sin go diongmhalta
annsna láethibh déighionacha.
21 Ni misi do chuir na faigheisi úd,
gidheadh do rithiodar; níor labhair
mé ríu, gidheadh do thairrghireadar.
22 Acht da seasaidis ann mo chomhair-
lesi, agus go ttiubhraidís ar mo dhaói-
nibh mo bhríathra déisteachd, annsin
dfillsedis iad ó na ndroichslighe, agus
ó uilc a ngníomh.
23 An Día a ngar misi, a deir an
Tighearna, agus nach Día mé a bhfad
uáit?
24 An bhféadann áonduine é féin do-
lach a náitibh uaigneacha, nach bhfaic-
fidh misi é, a deir an Tighearna? nach
líomsa neamh agus talamh, a deir an
Tighearna?
25 Do chúala mé cred a dubhradar
na fáighe, noch thairrghirios bréaga am
mainmsi, gha rádh, Daisling mé, dais-
ling mé.
26 Ga fad bhías so a gcroidhthibh na
bhfágh thairrghirios bréaga? a seadh, atáid
na bhfáighibh ceilge a ccroidhe féin;
27 Noch shaóileas a thabhairt ar mo
phobal mainm do dhearmad le na nais-
lingthibh, noch innisios gach áon duine da
chomharsoin, amhuil do dhearmadar a
naithre mainm ar son Bhaal.
28 An fáigh agá mbi aisling innisead
aisling: agus an té agá bhfuil mfocal-
sa, labhradh sé mo bhríathar go
fírinneach; cred é buáin na cátha ris an
cconnlach?

cruithneacht, a deir an Tighearna?
29 Nach bhfuil mo bhríatharsa cos-
mhuil re teine, a deir an Tighearna:
& cosmhuil ré hórd bhrisios an char-
raic na blodhuibh?
30 Uimesin féuch, a deir an Tigh-
earna, atáimsi a naghaidh na bhfágh-
dhadas mo bhríathra gach aon díobh
ó na chomharsoin.
31 Féuch, atáim a naghaidh na
bhfáigh, a deir an Tighearna, bhláthuigh-
ios a tteanga, agus a deir, A dubhairt sé.
32 Féuch, atáim a naghaidh na
druinge thairrghirios brionglóide bréa-
gacha, a deir an Tighearna, & innisios
iad, agus do bheir ar mo phobal seach-
ránughadh le na néattruime; agus ni
misi do chuir uáim íad, nó daithin
íad: ar a nadhbharsin ní thairbh-
eochuid síad don phobalso ar éanchor,
a deir an Tighearna.
33 Agus a nuáir fhíafrochus an po-
balso, no fáigh, no sagart díotsa, gha
rádh, Cred é úalach an Tighearna?
déara tú ríu annsin, Cred an túalach?
eadhon tréigfidh mé sibhse, a deir an
Tighearna.
34 Agus ar son a nfágha, agus an
tsagairt, agus an phobail a déarus,
Ualach an Tighearna, cúairteocha mé
ar an fhearsin, agus a thigh.
35 Is marso a déarthaoisi gach uile
dhuine re na chomharsoin, agus gach
duine re na dhearbhrathair, Cred do
fhreagair an Tighearna, agus cred a
dubhairt an Tighearna?
36 Agus ní thiucfuidhe thar úalach
an Tighearna ní sa mhó; óir budh ual-
ach do gach áonduine a fhocal féin:
óir do chláonabhair bríathra an Dé bhí,
Tighearna na slógh, ar Ndíane.
37 Is marso a déara tù ris an bhfáigh,
Cred do fhreagair an Tighearna dhuit?
agus cred do labhair an Tighearna?
38 Acht ó dearthaóise, Ualach an
Tighearna, uimesin is marso, a deir
an Tighearna, Do bhrigh go nabarthaói
an focalso, Ualach an Tighearna, agus
gur chuir misi fios chugaibh, gha rádh;
Ní abeorthaói, Ualach an Tighearna:
39 Ar a nadhbharsin féuch, misi, agus
dearmoda mé sibh thríd amach, agus
tréigfidh mé sibh, & an chathair thug
mé dhaóibh féin & da bhur naithribh,
agus teilgfidh mé amach as mo lathair
sibh.
40 Agus do bhéara mé scannail
shíorruidhe oruibh, agus náire shíoth-
bhúan nach dearmodthar.

CAIB. XXIV.

Táisbeanuid Figeadha maithe na daóine umhla, do filleat ó bhruid: 8 & droichfhigeadh, Sedeciah & an drong ablaoidhtear.

DO thaisbèin an Tighearna dhamhsa,
agus féuch, do cuireadh dhá chliabh
fhigeadh as coinne theampuill an
Tighearna, a ndíaigh Nebuchad-ressar
Rígh na Babilóine do bhreith Ieconiah
mhic Iehoiacim Rígh Júdah leis a
láimh, agus prionnsadha Iúdah maille
ris na saoruibh, agus leis na gaibhnibh
ó Ierusalem, agus rug leis don Bha-
bilóin iad.
2 Do bhádar figeadha maithe a ccliabh
dhíobh, eadhon cosmhuil rís na figibh
bhios abuidh ar tùs, agus an cliabh
oile iona rabhadar figeadha ro olca,
nach ar bhféidir dithe air a nolcus.
3 Ann sin a dubhairt an Tighearna
riomsa, Cred do chí tú, a Ieremiah?
agus a dubhairt misi, Figeadha: na
figeadha maithe, ro mhaithe, agus na
droichfhigeadha ro olca, nach éidir
dithe air a nolcus.
4 Tháinic a rís bríathar an Tigh-
earna chugam, dha rádh,
5 Is marso a deir an Tighearna Día
Israel: amhuil na figheadh maithesi,
is marsin aideomhus misi an lucht ru-
gadh ar siubhal a láimh do Iúdah, noch
do chuir mé amach as a náitsi go tír na
Ccaldéanach ar mhaith ríu.
6 Oir cuirfidh mé mo shúile orra ar
mhaith, agus do bhéara mé don dúth-
aighsi a rís íad, agus cuirfidh mé súas
iad, agus ní thairreonga mé síos íad:
agus plainndeocha mé iad, agus ní
thairreonga mé a níos íad.
7 Agus do bhéara mé croidhe dhóibh
dom aithniughadh gur mé an Tighearna,
agus béid na bpobal agamsa, & biáidh
misi am Dhía acasan: óir fillfid síad
chugam maille re na nuile chroidhe.
8 Agus amhuil na droichfhigeadh
nach féidir dithe air a nolcus: (go deimh-
in is marso a deir an Tighearna) is
amhluigh sin sheachódus mé Sedeciah
Righ Iúdah, agus a phrionnsadha, agus
an chuid oile do Ierusalem atá dfuighioll
ann sa tírsi, agus an drong chomh-
nuighios a gcrích na Hégipte.
9 Agus seachóduigh mé íad chum a
náthrughadh go huile ríoghachdaibh na
talmhan chum a ndochair, dá mbeith
na scannail agus na seanfhocal, na
magadh agus na mallughadh annsna
huile áitibh a ndíbéora mé íad.
10 Agus cuirfidh mé an cloidheamh,
an ghorta, & an phláigh iona mealc, nó
go scriostar íad as an ttalamh thug
mé dhóibh féin agus dá naithribh.

CAIB. XXV.

Tairrgir ar bbruid Júdah, 12 scrios Bhabiloin, 15 & bhualadh na gcineadhach.

AN bhríathar noch tháinic go Iere-
miah a ttaobh phobail Júdah uile,
annsa cheathramhadh blíadhuin do Ie-
hoiacim mhac Iosiah Rígh Iúdah, ba
hí sin an chéidbhlíadhuin do Nebu-
chadressar Rígh na Babilóine:
2 Noch do labhair an fáigh Ieremiah
re pobal Iúdah uile, agus ré muintir
Ierusalem uile, gha rádh;

3 On treas bliadhain déug do Joſiah
mhac Amon Rígh Júdah, eadhon go
nuige an láſa (ſé ſin an treas bliadhan
fithchiod) thainic focal an Tighearna
chugamſa, agus do labhair mé ribhſi,
ag mocheirghe agus ag labhairt, acht
níor éiſteabhair.
4 Agus do chuir an Tighearna chu-
gaibh a uile ſheirbhíſigh na ſaighe, ag
éirghe go moch agus dá ccur úadh,
acht níor éiſteabhairſe, ní mó do chláo-
nabhair bhur ccluas do chluinſion.
5 A dubhradarſan, Fillidhſi anois
gach áon aguibh ó na dhroichſhlighe,
agus ó olc bhur ngníomh, agus áitreabh-
uidh annſa tír thug an Tighearna
dhibh féin agus dá bhur naithribh go
ſaoghal na ſaoghal,
6 Agus ná himthighidh a ndiáigh
dée oile dfoghnamh dhóibh, agus dá
nadhradh, agus ná broſtuighidhe miſi
chum feirge lé hoibreachaibh bhur lámh,
agus ní dhéana mé dochar ar bith dhibh.
7 Gidheadh, níor éiſteabhair ríom, a
deir an Tighearna, chor go ccoirreo-
chadh ſibh mé chum feirge lé hoibrea-
chaibh bhur lámh, chum bhur ndochair
féin.
8 Uimeſin is marſo a deir Ti-
ghearna na ſlógh, do bhrígh nár éiſt-
eabhair mo bhriathra.
9 Féuch, cuirfidh mé uáim, agus
glacfa mé muinteara an tuáiſcceirt uile,
a deir an Tighearna, agus Nebuchad-
reſſar Rígh na Babilóine mo ſheir-
bhiſeach, agus do bhéara mé a naghaidh
na tíreſe iad, agus a naghaidh a háit-
reabhthach, agus a naghaidh na ccin-
eadhach ſo uile timchioll ſa ccuáirt:
agus ſcriosfuidh mé thríd amach íad,
agus do dhéana mé úathbhás díobh, agus
ſgige, agus ſáſach ſiorruidhe.
10 Tuilleamh oile, bhéara mé uatha
guth an tſúgartha, & guth na lúath-
gháire, guth a nfir nuadhphóſta, agus
guth na mná nuadhphóſta, tormán na
brón muilinn, agus ſolus na coinnle.
11 Agus biáidh an talamhſo uile na
fháſach, agus na úathbhás; agus foi-
gheonuid na cineadhacha do Rígh na
Babilóine ſeachdmhoghad bliadhan.
12 Agus tiocfaidh a ccrích a nuáir
choimhlíontar ſeachtmhoghad blíadhan,
bhéara mé cuairt ar Rígh na Babilóine
agus air an ccineadhſo, a deir an Ti-
ghearna, do bhrígh a néigceirt, agus
air dhúthaigh na Ceaildéanach, & do
dhéana mé fáſach ſiothbhúan díobh.
13 Agus do bhéara mé air an ttalamh-
ſin muile bhriathra, noch do labhair
mé na haghaidh, eadhon a nuile ní
dá bfuil ſcríobhtha annſa leabharſo,
noch do thairrghir Jeremiah a na-
ghaidh na ccineadhach uile.
14 Oír foigheonuid mórán cineadhach,
agus Ríghthe móra dhóibh féin diobh-
ſan mar an ccéadna: agus cúiteo-
chuid ríu do réir a ngníomh, agus do
réir oibreach a lámh féin.
15 Oir is marſo a deir an Tighearna
Día Iſrael riomſa, Glac cupán fion
na dibhfheirgeſi as mo láimh, agus
tabhair ar na huile cineadh, gus a
ccuirfe miſi thú, ól de.
16 Agus iobhuid é, agus ccoirreoch-
thar íad, agus béid ar buile, do bhrígh
an chloidhimh chuirfios mé iona measg.
17 Annſin do ghlac miſi an cupán a
láimh an Tighearna, agus thug mé ar
na cineadhachaibh uile a ól chum
ar chuir an Tighearna mé.
18 Mar atá Ierusalem, & caithreacha
Iúdah, agus a Ríghthesin, & a prionn-
ſuidhe, do dhéanamh fáſaigh dhíobh,
agus úathbháis, agus magaidh, agus
malluighthe mar atá a niugh.
19 Phárao Rígh na Hégipte, agus
a ſheirbhíſigh, agus a phrionnſadha,
agus a dhaoine uile.
20 Agus na daóine cumaiſc uile,
agus uile Ríghthe thíre Us, agus uile
Ríghthe thíre na Bhphiliſtíneach, agus
Aſcelon, agus Aſſah, agus Ecron, agus
fuighioll Aſdod,
21 Edom, agus Moab, agus clann
Ammon,
22 Agus uile Ríghthe Tíor, agus
uile Ríghthe Sídon, agus Ríghthe
na noileán, noch atá taobh thall
dfairge,
23 Dedan, agus Tema, agus Bus,
agus gach a bhfuil annſna cornaibh is
faide amach,
24 Agus uile Ríghthe na Harabia, &
uile Ríghthe na muintire cumaiſce
áitreabhus annſa díothramh,
25 Agus uile Ríghthe Simri, agus
uile Ríghthe Elam, agus uile Ríghthe
na Médianach.
26 Agus uile Ríghthe an tuáiſceirt, a
gcéin agus a bhfogus, ó áon go
chéile, agus uile ríoghachda an domhain,
noch atá ar ghnúis na talmhan: agus
iobhuidh Rígh Seſach na ndiáigh ſo.
27 Ar a nadhbharſin a déara tú ríu,
Is mar ſo a deir Tighearna na ſlógh
Día Iſrael, Ibhidh, agus bídh a
meiſce, agus ſceithidh, agus tuitidh,
agus na héirghidhe ní as mhó, do bhrígh
an chloidhimh chuirfeas mé bhur measc.
28 Agus is amhluigh bhias, má dhiúl-
tuid an cupán do ghlacadh as do
láimh dá ól, annſin a déara tú ríu, Is
marſo a deir Tighearna na ſlógh, Go
deimhin iobhthuidhſe.
29 Oír féuch, tcſuighimſe ar olc do
thabhairt air an ccathruigh, noch goir-
thear ann mainm, & an mbía ſibhſi go
hiomlán gan ſmachdughadh? ní bheidhí
gan ſmachtughadh: óir goirfiodſa air
chloidhiomh chum uile áitreabhthach
na talmhan, a deir Tighearna na ſlógh.
30 Ar a nadhbharſin tairrnghir thusa
na naghaidh na briathraſo uile, agus
abair ríu, Núallfuidh an Tighearna ó
nárd, agus laibheóruidh ſé ó na áitreabh
náomhtha, béicfidh ſé go cumhachdach

a áit chomhnuidhe, agus do bhéara
gáir amhuil an drong bhrúighios na
a naghaidh uile áitreabhthach
na talmhan.
31 Tiucfaidh tormán go himlibh na
talmhan; óir atá imreasan ag an TTi-
ghearna ris na cineadhachaibh; taigeo-
raidh sé ris a nuile fheóil, do bhéara
sé na dream atá go holc, don chloi-
dheamh, a deir an Tighearna.
32 Is marso a deir Tighearna na
sloigh, Féuch rachaidh olc amach ó
chineadh go cineadh, agus tóigfighear
stoirm mhór suas ó imlibh na talmhan.
33 Agus béid mairbh an Tighearna an
lá sin ó chorr don talamh go nuige an
corr eile don talamh: ní chaóinfighear
iad, ní chruinneochtar iad, ní mó
adhlaicfighthar iad, béid na naóileach air
an talamh.
34 Nuallaidhsi a thréaduighe na ccáo-
rach, & éighidh, & unfuirtighe sibh féin
sa luaithreadh, a dhrong is priomhsiopallta
don tréad: óir do coimhlionadh láethe
bhur náir & bhur niomscaóilte, & tuit-
fidhe amhuil soitheach dúileamhuil.
35 Agus ní bhiáidh conair teithmhe ar
lé ag na háodhairibh cáorach, nó ag an
droing is fearr do na tréaduighibh, ar
dul as.
36 Cluinfighear nuáill éighimh an tréa-
duighe, agus gubha thogha an tréada:
óir do mhill an Tighearna a ninnbhior.
37 Agus atáid na háite comhnuidhe
síothchánta, ar na ngearradh sios, tre
fheirg shíochmhair an Tighearna.
38 Do thréig sé a dhíon amhuil an
leomhan; óir atá a ttír uaigneach, tre
dhásacht an mhillteora, agus tré a
fheirg shíochmhairsion.

CAIB. XXVI.

Jeremiah a nláimh arson na firinne innisfeadh go follas, 16 do shaóradh le daoinibh áirighthe é.

A Ttosach ríoghachta Jehoiacim mhic
Josiah Rígh Júdah, thainic an bría-
thar so ón TTighearna, gha rádh;
2 Is marso a deir an Tighearna, seas
a ccúirt thighe an Tighearna, agus
labhair ré huile chaithreachaibh Iúdah,
noch thig go tigh an Tighearna dadh-
radh, na huile bhríathra aitheonus
mé dhíot do labhairt riu; na lagh-
duigh áon fhocal.
3 Má éistid siad riot, agus go bhfill-
fidh gach áonduine ó na dhroichshlighe,
chor go mbía aithreachus orumsa fa
an olc do thionnscuin mé do dhéanamh
orra, tre olcus a ngniomh.
4 Agus a déara tú ríu, Is marso a
deir an Tighearna, Muna numhluighthi
dhamhsa do shiubhal ann mo dhligh-
eadh, noch do chuir mé romhuibh,
5 Déisteacht re bríathruibh mo sheir-
bhíseach na fáighe, noch do chuir mé
chugaibh, aráon ag éirghe air maidin,
agus dá ccur uáim, acht níor éistea-
bhair,
6 Annsin do dhéana misi an tighse
cosmhuil ré Siloh, agus do dhéana mé
an chathairsi na mallughadh do uile
chineadhachuibh na talmhan.
7 Marsin do chúaladar na sagairt
agus na fáighe, agus an pobal uile
Ieremiah ag rádh na mbríatharso a
ttigh an Tighearna.
8 Anois tárla a nuáir do chríoch-
nuigh Ieremiah do labhairt ar a nuile ni
dar aithin an Tighearna dhe do rádh
ris an bpobal uile, gur ghlacadar na
sagairt, & na fáighe & an pobal uile é, gha
rádh, go deimhin cuirfighear chum báis thú
9 Cred fár thairrghir tú a nainm an
Tighearna, gha rádh, Biáidh an tighso
cosmhuil re Siloh, agus biáidh an cha-
thairsi uaigneach gan áitreabhthach?
agus do chruinnigh an pobal uile a na-
ghaidh Ieremiah a ttigh an Tighearna.
10 A nuáir do chúaladar prionnsadha
Iúdah na neithesi, annsin thangadar
súas ó thigh an Rígh go tigh an Tigh-
earna, & do shuigheadar sios a ndul a
steach an gheata nuaidh thighe an
Tighearna.
11 Ann sin do labhradar na sagairt,
& na fáighe ris na prionnsadhuibh, & ris
an bpobal uile, dha rádh, Atá breath-
amhnus bais air an bhfearso: óir do
thairrghir sé a naghaidh na caithreachso,
mar do chúalabhair lé bhur ccluásaibh.
12 Annsin do labhair Ieremiah ris na
prionnsadhuibh uile, & ris an bpobal,
ag rádh, do chuir an Tighearna misi
dfáigheadóireacht a naghaidh an tighe-
se, agus a naghaidh na caithreachso,
na huile bhríathra do chúalabhair.
13 Uimesin a nois leasuighidh bhur
slighthe, & bhur ngníomha, & umhlui-
ghidh do ghuth an Tighearna bhur Ndía,
& biáidh aithreachuis air an TTighear-
na ó nolc dfúagair sé bhur naghaidh.
14 Ar mo shonsa, séuch, atáim ann
bhur láimh, déanuidh riom mar is fearr,
& mar is iomchubhaidh do chítior dhíbh.
15 Acht bíodh a fhios aguibh go
dearbhtha, má chuirthí misi chum báis,
go ttiubharthaói go deimhin fuil neimh-
chiontach oruibh féin, & air an ccath-
ruighsi, agus air a háitreabhthachaibh:
óir go firinnioch do chuir an Tighearna
misi chuguibh do labhairt na mbríathar-
so uile ann bhur ccluásaibh.
16 Annsin a dubhradar na prionnsadha,
agus an pobal uile ris na sagartuibh
agus ris na fáighibh, Ni cóir an fearso
do chuir chum báis, oir do labhair sé
rinn a nainm an Tighearna ar Ndía.
17 Ann sin déirigh suas cuid do
sheanóiribh na tíre, & do labhradar re
huile oireachtus an phobail, gha rádh,
18 Do thairrghir Micah an Morási-
teach a laéthibh Hesecíah Rígh Iúdah, &
do labhair sé ré muintir Iúdah uile, gha
rádh, Is marso a deir Tighearna na slógh,
Treabhthachar Sion amhuil machaire, &
do dhéantar cairn do Jerusalem, & sliabh
an

an tighe, mar áitibh arda na foraoiſe.
19 Ar chuir Heſeciah Rígh Iúdah, &
Iúdah uile chum báis ar aonchor é? nach
raibh eagla an Tighearna air? agus nach
ar iarr ſé an Tighearna, & nach ar bhai-
threach leis an TTighearna an tolc dfúa-
gair ſe na naghuidh? marſo do dhéanam-
aoiſne olc mór a naghaidh ar nanmann.
20 Agus do bhí fós óglach do thairrgir
a nainm an Tighearna, Uriah mhac Se-
maiah, do Chiriat-jearim, noch do thair-
ghir a nadhuigh na caithreachſo agus a
naghaidh na tireſo do réir uile bhriathra
Ieremiah.
21 Agus a nuáir do chúaluidh Iehoia-
cim an Rígh maille re na dhaóinibh
cumhachtacha uile & na prionnſadha
uile, a bhriathra, diarr an Rígh a chur
chum báis: & an tan do chualuidh Uriah
ſin do bhí ſé eaglach, agus do theith
ſé, agus do chuáidh ſé don Négipt.
22 Agus do chuir Iehoiacim an Rígh
daóine don Négipt, Elnatan mhac Ach-
bor, agus daóine áirigh maille leis
don Négipt.
23 Agus thugadar Uriah amach as
an Négipt, agus rugadar go Iehoiacim
an Rígh é, noch do mharbh leis an
ccloidheamh é, & do theilg a chorp marbh
a nuáighibh na ndaoine gcoitchionn.
24 Thairis ſin do bhí lámh Ahicam mhic
Saphan ré Ieremiah go nach ttiubhraidís
é a láimh an pobail dá chur chum báis.

CAIB. XXVII.

Ath-thairrgir ar dhaóirſine Judah, & Righ-eachda oile.

A Ttoſach rioghacht Iehoiacim mhic
Ioſiah Rígh Iúdah, tháinic an focalſo
go Ieremiah ón TTighearna, gha rádh,
2 Is marſo a deir an Tighearna riom-
ſa, Déan dhuit féin cuibhreach agus
cuingleach, & cuir air do mhuineal iad.
3 Agus cuir iad go Rígh Edom agus
go Rígh Moab, agus go Rígh na
Namoriteach, agus go Rígh Tíor, agus
go Rígh Sídon, lé láimh na tteachta
thiucfas go Hieruſalem go Sedeciah
Rígh Iúdah.
4 Agus aithin díobh a rádh ré na
maighiſtribh, Is marſo a deir Tighearna
na ſlogh Día Iſrael, is marſo a déar-
thaoi ré bhur maighiſtribh.
5 Do rinne mé an talamh, an duine,
agus an beathach atá air an ttalamh
lem mhórchumhacht, agus lém láimh
ſínte amach, agus thug mé é don tí
do chonncas iomchubhaidh dhamh.
6 Agus anois thug mé na fearainnſi uile
a láimh Nebuchadneſar Rígh na Babi-
lóine mo ſheirbhíſeach, & thug mé dhó
fós beathuighe an mhachaire dfogh-
namh dhó.
7 Agus ſoigheonuid na huile chinea-
dhacha dhó, agus da mhacaibh agus do
mhacuibh a mhac, nó go ttí am cinnte
a thíre: agus annſin do bhéaraid mórán
cineadhach, agus Ríghthe móra airſion
foghnamh dhóibh.
8 Agus tiucfaidh, a ccrích gidh [illegible]
cineadh ná rioghacht nach bhfoighe-
nuidh don Nabuchadneſſar chéadna
Rígh na Babilóine, & nach ccuirfe a
muinéil fa chuing Rígh na Babilóine,
ſmaichteocha miſi an cineadhſin, a deir
an Tighearna, leis an ccloidheamh, &
leis an ngorta, & leis an bpláigh, nó
go ſcrioſſa mé iad le na láimhſion.
9 Uimeſin ná héiſtighſi re bhur bhfái-
ghibh, nó re bhur bhfaiſtineachaibh, nó
ré bhur naiſlingtheachaibh, nó ré bhur
ndraóithibh, nó ré bhur ngeaſadóiribh,
labhrus ribh ghá rádh, Ni ſhoighen-
tuidhe do Rígh na Babilóine.
10 Oír is faigheadóireacht bhréige
do níd díbh, dá bhur nátharrughadh a
bfad ó bhur ndúthaigh, agus go ndí-
beoruinnſi amach ſibh, agus go rachadh
ſibh a mugha.
11 Acht na cineadhacha do bheir a
muinéil fá chuing Rígh na Babilóine, &
ſeirbhís do dhéanamh dhó, léigfidh mé
dhóibh ſin fuireach a ccomhnuidhe ann
a ttir féin, a deir an Tighearna: & ſaoth-
rochuid é, agus coimhneochuid ann.
12 Do labhair mé fós ré Sedeciah
Rígh Iúdah do réir na mbriathar ſo uile,
gha rádh, Tugaidh bhur muinéil fá
chuing Rígh na Babilóine, & oiridh
dhó, agus da mhuintir, agus máiridh.
13 Cred ám a néagfadh ſibh, thú féin,
& do mhuintir leis an ccloidheamh, leis
an ngorta, & leis an bpláigh, mar do
labhair an Tiahearna a naghaidh an chi-
nidh nach oirfidh do Rígh na Babilóine?
14 Ar a nadhbharſin ná héiſtigh re
bríathruibh na bhfágh, a deir ribh, gha
rádh, Ni óirfidhe do Rígh na Babilóine;
óir is fáigheadóireacht bhréige do
níd dhíbh.
15 Oír ní miſi do chuir uáim iad, a
deir an Tighearna, gidheadh tairrghirid
ſiad bréag ann mainm, chor go ndíbe-
oruinn ſibh amach, go rachadh ſibh a
mugha, ſibh féin, agus na fáighe thairr-
ghirios díbh.
32 Annsin do ghlac Ieremiah rola oile,
... thug é do Bharuch mhac Nériah,
... scríobhuidhe noch do scríobh annsin as
... Ieremiah uile bhriathra an leabhair,
... do loisg Iehoiacim Rígh Iúdah ann-
..., agus do chuireadh na gcionn,
... dá leitheid do bhríathruibh.

CAIB. XXXVII.

... Nebucadressar Sedeciah, a náit ... mhic Jehoiacim Rí Iudah.

1 ... do ríoghuidh an Rígh Sede-
ciah mhac Iosiah a náit Choniah
... Iehoiacim, noch dá ndéarnuidh Ne-
buchadressar Rígh na Babilóine, Rígh a
... Iúdah.
2 Acht níor éist sé féin nó a mhuintir,
... pobal na tíre ré bríathruibh an Ti-
ghearna, noch do labhair sé tréas an
... Ieremiah.
3 Agus do chuir Sedeciah an Rígh Ie-
... mhac Selemiah, agus Sephaniah
... Maaseiah an sagart chum a nfáigh
Ieremiah, gha rádh, Guidh a nois chum
an Tighearna ar Ndia air ar son.
4 Anois tháinic Ieremiah a steach, &
do chuaidh sé amach a measc an phobail;
... níor chuireadar a bpríosún é.
5 Annsin tháinic sluagh Pharao amach
as a Négipt, agus a nuáir do chualadar
na Caldeanuigh do shuigh um Ierusalem,
túarusgbháil orra, dimthigheadar ó Ieru-
salem.
6 Annsin tháinic briathar an Ti-
ghearna chum a nfáigh Ieremiah, gha
radh,
7 Is marso a deir an Tighearna Dia
Israel, is marso a dearthaoi ré Rígh Iú-
dah do chuir chugamsa sibh do cheas-
nughadh riom, Féuch, fillfidh sluagh Phá-
rao noch tháinic amach do bhur ccobhra-
ghadh, don Négipt dá ttír féin.
8 Agus tiucfuid na Caldeanuigh a rís,
agus troidfid a naghaidh na caithreach-
so, agus géabhuid í, agus loisgfid í
lé teine.
9 Is marso a deir an Tighearna, Ná
mealluidh sibh féin, gha rádh, Imeochuid
na Caldéanuidh go deimhin uáinn: óir
ní imeochuid siad.
10 Oir dá mbeith go mbuáilfeadh sibh
slúagh na Ccaldéanach uile thiroidios ann
bhur naghaidh, & nach mairfeadh achd
duine loitigh iona measc, thairis sin déir-
eochaidís gach uile dhuine dhíobh ann a
pháilliun, agus do loisgfidís an chathairsi
le teine.
11 Agus tárla a nuáir do bhris slúagh
na Ccaldéanach súas ó Jerusalem ar eagla
shluáigh Phárao,
12 Ann sin do chuaidh Ieremiah a-
mach as Ierusalem do dhul go tír Bhen-
iamin dá dhealughadh féin annsin as
measc an phobail.
13 Agus an tan do bhí sé a ngeata
Bheniamin, do bhí Caiptín an ghárda
annsin, dár budh ainm Irijah mhac Selé-
miah, mhic Hananiah, agus do ghlac sé
an fáigh Ieremiah, gha rádh, Atá tú ag
dul do thaóibh na Ccaldeanach.
14 Annsin a dubhairt Ieremiah, Ní
fíor sin, ní bhfuilimsi ag dul air thaóbh
na Ccaldéanach; achd níor éist sé ris:
annsin do ghlac Irijah Ieremiah, agus
thug sé chum na bprionnsadh é.
15 Uimesin do bhádar na prionnsidhe
feargach re Ieremiah, agus do bhuáilea-
dar é, agus do chuireadar a bpríosún é,
a ttigh Ionatan an scríobuidhe: óir do
rinneadar príosún de.
16 A nuáir do chuaidh Ieremiah don
phríosún, do na sóiléaruibh íochdaracha, &
do bhí Ieremiah ansin mórán do láethibh;
17 Annsin do chuir Sedeciah an Rígh
uadh, agus rug amach é, & dfiafruigh an
Rígh dhe go seicreideach ann a thigh,
agus a dubhairt, An bhfuil focal ar bith
ón Tighearna? agus a dubhairt Iere-
miah, Atá; óir ar seision, do bhéar-
thar thusa a laimh Rígh na Babiloine.
18 Tuilleamh oile, a dubhairt Ieremiah
ris an Rígh Sedeciah, Cred do rinne
misi ad aghaidhsi, nó a naghaidh do sheir-
bhíseach, nó a naghaidh an phobailsi, as
ar chuireadar a bpríosún mé?

19 Cáit a bhfuilid anois bhur bhfáighe do thairrghir dhíbhsi, gha rádh, Nì thiucfuidh Rìgh no Babilóine bhur naghaidhsi ná a naghaidh na tíresi?

20 Uimesin éist a nois, íarruim dathchuinge ort, mo thighearna an Rìgh, glacthar mo ghearán, iarruim ort, dot lathair; go nach ccuirfe tú dfíachaibh orum filleadh go tigh Ionatain an scrìobhuidhe, deagla go bhfuighinn bás annsin.

21 Annsin daithin Sedeciah an Rìgh go ccuirfedís Jeremiah a láimh a ccúirt an phriosúin, agus go ttugaidís dhó go láetheamhuil cuid aráin as sráid an bháicéir, nô go ccaithtí arán na caithreach uile: marso dfan Ieremiah a ccúirt an phriosúin.

CAIB. XXXVIII.

Eidirghuidhe Ebed-Melech ar son Jeremiah, tan theilgeadh a nccarcair é, chionn briathra Dé do nochtadh.

AN sin do chúaluidh Sephatiah mhac Mattan, agus Gedaliah mhac Passur, agus Iucal mhac Selemiah, agus Passur mhac Malchiah, na bríathra do labhair Ieremiah ris an bpobal uile, dha rádh,

2 Is marso a deir an Tíghearna, An té anfas annsa chathruighsi éugfuidh sé leis an ccloidhimh, leis an ngorta, agus leis an bplaigh; acht an té rachus amach chum na Ccaldéanach, mairfidh sé; óir do geabhuidh a bheatha mar eadáil, & mairfidh sé.

3 Is marso a deir an Tighearna, Go deimhin do bhéarthar an chathairsi a láimh sloigh Rìgh na Babilóine, noch ghéabhus í.

4 Uimesin a dubhradar na prionnsadha ris an Rìgh, Iarramaoid dathchuinge ort, cuirthear an té so chum báis: óir is marso laguighios sé lámha lucht cogaidh na caithreachso, agus lámha an phobuil uile, ag labhairt a leitheide so do bhriathruibh riú: óir ní hé leas na ndaóinese íarrus an fearso, acht a naimhleas.

5 Ann sin a dubhairt an Rìgh Sedeciah Féuch, atá sé ann bhur lámhuibhsi, óir ní hé an Rìgh fhéadas aóinnì do déanamh bhur naghaidh.

6 Annsin do ghlacadar Ieremiah, & do theilgiodar a ccarcair Mhalchiah mhic Hammelech é, noch do bhì a ccúirt an phriosúin: agus do léigiodar Ieremiah sios lé córduibh. Agus nì raibh uisce ar bith annsa ccarcuir achd lábán; marsin do chuáidh Ieremiah faói annsa lábán.

7 A nois a nuáir do chúaluidh Ebedmelech an Tetìopeach, áon do na seomradóiribh do bhì a ttigh an Rìgh, gur chuireadar Ieremiah annsa chárcair (an Rìgh na shuighe an tan sin a ngeata Bheniamin.)

8 Do chuáidh Ebed-melech amach as tigh an Rìgh, agus do labhair ris an Rìgh, gha rádh,

9 Mo thighearna an Rìgh, do rinne [illegible] muintirse uile, olc ann gach ní [illegible] ndéarnadar ris an bhfaigh Ieremiah noch do theilgiodar annsa charcair [illegible] gheabha se bás ré ocras annsa [illegible] bhfuil sé: óir nì bhfuil ni sa mhó [illegible] rán annsa chathruigh.

10 Annsin dfúagair an Rìgh do Ebedmelech an Tetìopeach, gha rádh, [illegible] leachd as so tríochad feár, agus [illegible] súas Ieremiah as an ccarcair suil do [illegible] bha sé bás.

11 Mar sin rug Ebed-melech na dáoine leis, agus do chuáidh sé go tigh an Rìgh faói thigh na séad, agus rug sé leis a sin seinghiobail & seincheirteacha [illegible] tha, agus do léig sé sios lé córdaighibh iad don charcair chum Ieremiah.

12 Agus a dubhairt Ebed-melech an Tetíopeach re Ieremiah, Cuir anois na seincheirteacha so agús na seinghiobail lobhtha ann hasgalluibh faói na córduibh; agus do rinne Ieremiah sin.

13 Marsin do thairngiodar a níos Ieremiah re córduibh, agus thugadar súas as an ccarcuir é, agus dfan Ieremiah a ccúirt an phríosúin.

14 Annsin do chuir Sedeciah an Rìgh fios, agus rug sé an faigh Ieremiah chuige don treas dul a steach atá a ttigh an Tighearna, agus a dubhairt an Rìgh ré Ieremiah; Fiafrocha mé ní dhíot, ná ceil aoinní orum.

15 Ann sin a dubhairt Ieremiah re Sedeciah, Má foillsighim dhuit, nach ccuirfe tù go deimhin chum báis mé? agus má bheirim comhairle dhuit, a neistfe tú riom?

16 Mar sin do mhionnuigh Sedeciah an Rígh go seicréideach do Ieremiah gha rádh, Mar mhairios an Tighearna do rinne an tanamso dhúinn, ní chuirfidh mé chum báis thú, agus ní bhéara mé thú a láimh na ndaóinési íarrus do bhás.

17 Ann sin a dubhairt Ieremiah re Sedeciah. Is marso a deir an Tighearna Día na slógh, Día Israel, má théid tú amach go dearbhtha chum prionnsadhuibh Rígh na Babilòine, annsin mairfidh hanam, & ní loisgfighear an chathairse le teine, & marfidh tú féin, agus do thigh.

18 Acht muna ndeacha tú go prionnsadhuibh Rígh na Babilóine, annsin bhéarthar an chathairsi a láimh na CCaldéanach, & loisgfid í lé teine, & ní rachaidh tusa as ó na lámhuibh.

19 Agus a dubhairt an Rìgh Sedeciah re Ieremiah, Atá eagla na Niúduigheadh orum do theith chum na Caldéanach, deagla go ttiubhraidís ionna lamhuibh mé, agus go mbeidís ag magadh orum.

20 Acht a dubhairt Ieremiah, Ní sheachóduid síad thú: umhluigh, íarruim dathchuinge ort, do ghuth an Tighearna noch labhruimsi riot: mairsin bhias é

go

maith agadsa, agus mairfidh hanam.
21 Acht má dhiúltan tú dul amach,
so an focal do thaisbéin an Tigh-
arna dhamhsa.
22 Agus feuch béarthar a nuile bhean
fágbhadh a ttigh Rígh Júdah a-
mach go prionnsadhuibh Rígh na Babi-
lóine, agus a déaruid na mná sin, Do
mhealluigheadar do cháirde thú, agus
fuaradar buáidh ort: do sluigeadh do
chosa annsa lathaigh, agus dfilleadar
ar tar a nais.
23 Marsin do bhéaruid siad amach
do mhná uile, agus do chlann chum na
cCaldéanach, agus ní racha tusa as
a lámh, acht géabhthar thú lé
láimh Rígh na Babilóine: agus do
bhéara tú sa deara an chathairsi do
loisgeadh lé teine.
24 Annsin a dubhairt Sedeciah ré
Ieremiah, Ná bíodh fios na mbriathar-
so ag duine ar bith, agus ní muir-
fear thú.
25 Acht má chluinid na prionnsadha
go labhair misi riot, agus go ttiucfuid
chugad, agus go naiboeruid riot, Innis
dúinn anois cred a dubhairt tù
ris an Rígh, ná ceil oruinn é, agus
ní chuirfeam chum báis thú; mar
an ccéadna Cred a dubhairt an Rígh
riot?
26 Annsin déara tú ríu, Do chuir
mé mo ghearán a lathair an Rígh,
ionnas nach bhfillfeadh sé mé go tigh
Ionatan dfaghháil bháis ann.
27 Annsin thangadar na prionnsadha
uile go Ieremiah, agus dfiafruigheadar
dhe, agus dinnis sé dhóibh, do réir
na mbriatharso uile daithin an Rígh;
annsin do scuireadar do chomhrádh
ris: óir níor mothuigheadh an chúis.
28 Mar sin dfan Ieremiah a ccúirt
an phríosúin go ttáinic an lá fár gabhadh
Ierusalem, agus do bhí sé annsin an
tan do gabhadh Ierusalem.

CAIB. XXXIX.

...gabhadh, do briseadh sios, do airgeadh Ierusalem, & rugadar na daoine a mbraighdionnas.

ANNa naomhadh blíadhain do Shede-
deciah Rígh Júdah, annsa deach-
mhadh mí tháinic Nebuchadressar
Rígh na Babilóine, agus a shlúagh uile
a ngháidh Ierusalem, agus do shuigh-
eadar na timchioll uirre.
2 Agus annsa náonmhadh bliadhain
déag do Shedeciah annsa cceathramhadh
mí, air an náomhadh lá don mhí, do
briseadh sios an chathair.
3 Agus thangadar uile phrionnsadha
Rígh na Babilóine a steach, & do shui-
gheadar annsa gheata meadhónach, ea-
dhon Nergal-Sareser, Samgar-Nebo,
Sarsechim, Rabsaris, Nergal Sareser,
Rabmag, maille ris an ccuid oile uile
do phrionnsadhuibh Rígh na Babilóine.
4 Agus tárla an tan do chonnairc
Sedeciah Rígh Iúdah iad, agus na fir
chogaidh uile, gur theitheadar, agus go
ndeachadar amach as an ccathruigh
san noidhche a slighe ghairdín an Rígh,
annsa gheata idir an dá bhalla, agus
do chuáidh seision amach a slighe an
réitigh.
5 Acht do lean slúagh na Ccaldéa-
nach iad, agus rugadar ar Shedeciah
a réitibh Iericho: agus an tan rugadar
air, thugadar súas go Nebuchadnessar
Rígh na Babilóine é, go Riblah a ttír
Hámat, áit a rug sé breitheamhnus air.
6 Annsin do mharbh Rígh na
Babilóine mic Shedeciah ann Riblah
as coinne a shúl, do mharbh Rígh na
Babilóine fós uáisle Iúdah uile.
7 Tuilleamh oile, do chuir sé súile
Shedeciah amach, agus do cheangail
sé le slabhradhuibh é dá bhreith don
Bhabilóin.
8 Agus do loisgeadar na Caldéanuigh
tigh an Rígh, agus tighthe an phobail
uile le teine, agus do bhriseadar síos
balladha Ierusalem.
9 Ann sin rug Nebusaradan Caiptín
an ghárda a mbraighdionas leis don
Bhabilóin fuighioll na ndaóine do fág-
bhadh annsa chathruigh, agus an dream
do theith chuige, maille ris an ccuid
oile don phobal do mhair.
10 Acht dfág Nebusaradan Caiptín
an gharda do bhochtaibh an phobail
ag nach raibh aoinní a ttír Iúdah,
agus thug sé fíneamhna, agus machair-
eadha dhóibh an lásin.
11 Anois thug Nebuchadnessar Rígh
na Babilóine cúram do Nebusaradan
Caiptín an ghárda a ttaóibh Ieremiah,
gha rádh,
12 Glac é, agus féuch dhó go
maith, agus ná déan dochar ar bith
dhó, acht déan dhó ionnan agus mar a
déara sé riot.
13 Marsin do chuir Nebusaradan
Caiptín an ghárda uadh, agus Nebu-
sasban, Rabsaris, agus Nergal-sareser,
agus Rabmag, agus uile phrionnsadha
Rígh na Babilóine.
14 Do chuireadarsan, agus ruga-
dar Ieremiah amach as cúirt an
phríosúin, agus thugadar go Gedaliah
mhac Ahicam mhic Saphan é, dá
bhreith don bhaile: annsin dáitreibh
sé a measc an phobail.
15 Anois tháinic bríathar an Ti-
ghearna go Ieremiah, an fad do bhí
sé iadhta súas a ccúirt an phríosúin,
ga rádh.
16 Eirigh, agus labhair re Ebed-
melech an Tetiopeach, gha rádh,
Is marso a deir Tighearna na slógh,
Día Israel, Féuch, do bhéara mé mfocal
air an ccathruighse ar olc, agus ní
ar mhaith, agus beid annsa ló sin ad
fhiaghnuise si.
17 Acht sáorfuidh mé thusa san
lósin, a deir an Tighearna, agus ní

thiubhharthar thú a láimh na ndáoine re
a bhfuil eagla agad.
18 Oir go deimhin saorsa misi thú, &
ni tuitfidh tú leis an ccloidheamh, achd
bhiáidh hanam mar éadáil agad, do bhrígh
gúr chuir tú do dhóthchus ionnamsa, a
deir an Tighearna.

CAIB. XL.

Do chomhnuidh Ieremiah tar éis a leigionn as, abhfochair Ghedaliah a ttír Iudea.

AN bhriathar tháinic go Ieremiah ón
Ttighearna, tar éis Nebusaradan Caip-
tín an ghárda do léigion dó imtheacht
as Ramah, a nuáir do ghabh sé é, ar
mbeith dhó ceangailte a slabhradhuidh a
measc gach a rugadh a láimh ó Ierusa-
lem, agus ó Iúdah, noch rugadh a láimh
don Bhabiloin.
2 Agus do ghlac Caiptín an ghárda
Ieremiah, agus a dubhairt sé ris, Isé an
Tighearna do Dhía dfuagair an tolcso
air á náitsi.
3 Anois thug an Tighearna, agus do
rinne sé do réir mar a dubhairt sé: do
bhrígh gur pheacuigheabhair a naghaidh
an Tighearna, & nar umhluigheabhair dá
ghuth, uimesin tháinic an nise oruibh.
4 Agus ánois, féuch, scaoilimse thú a
niugh ó na slabhradhuibh, noch do bhí
air do láimh: má chitear dhuit féin teacht
liom don Bhabiloin, tárr, agus féuchsa
misi go maith dhuit: achd muna bhfaic-
thear dhuit teachd don Bhabiloin, fan:
féuch, atá an tír uile romhad, gidh be
áit is féarr agus is iomhchubhaigh iona
bhfaicfighear dhuit dul, éirigh ann.
5 Anois an fad nar imthigh sé ar ais,
a dubhairt sé, Eirigh ar hais go Gedali-
ah mhac Ahicam mhic Saphan, noch dá
ndéarna Rìgh na Babiloine úachtarán ós
cionn uile chaithreach Iúdah, agus déan
comhnuidhe iona fhochair a measc an
phobail: nó imthigh mar a bhfaicthear
dhuit iomchubhaidh dul. Marsin thug
Caiptín an ghárda biádh & luáigheacht
dó, agus do léig sé dhó imtheacht.
6 Annsin do chuáidh Ieremiah go Ge-
daliah mhac Ahicam go Misspah, agus do
chomhnuidh sé iona fhochair a measc na
ndaoine do fágbhadh annsa tír.
7 Anois an tan do chualadar uile
Chaiptíne na slógh, noch do bhí annsna
machairighibh, iad féin agus a muintir,
go ndéarna Rìgh na Babiloine úachtarán
do Ghedaliah mhac Ahicam annsa tír,
agus go ttug sé dhó fir, agus mna,
agus leinibh, agus do bhochtaibh na
tíre don mhéid nach rugadh a láimh
don Bhabiloin.
8 Annsin thangadar go Gedaliah go
Misspah, eadhon Ismael mhac Netaniah,
agus Iohanan, agus Ionatan mhac Careah,
agus Seraiah mhac Tanumet, agus mic
Ephal an Netophatiteach, agus Iesaniah
mac Mhaachatitigh, iad féin agus a
muintir.
9 Agus do mhionnuigh Gedaliah mhac
Ahicam mhic Saphan doibh féin & d
muintir, ghá radh, Na bíodh eagl
oruibh foghnamh do na Caldéanachaibh,
déanuidh comhnuighe annsa tír, agus
déanaidh seirbhis do Rìgh na Babiloine,
agus rachaidh sé go maith dhíbh.
10 Ar mo shonsa, féuch áitreochaidh
mé a Misspah dfoghnamh do na Calde-
nachaibh, noch thiucfas chugainn: achd
cruinnighidhsi fíon, agus toirthe samh-
raidh, agus ola, agus cuiridh ann bhur
soithighibh iad, & comhnuighidh ann bhur
ccaithreachaibh, noch do ghabhabhair.
11 Mar an ccéadna a nuáir do chua-
ladar na Iúduighe uile do bhí ann Moab,
& a measc na Nammoniteach, agus ann
Edom, & an drong do bhí annsna huile
thíorthuibh, gur fhag Rìgh na Babiloine
fuighioll do Iúdah, agus gur chuir sé
Gedaliah mhac Ahicam mhic Saphan ós
a ccionn;
12 Dfill na huile Iúduighe as na huile
áitibh ar díbreadh iad, agus thangadar
go tír Iúdah go Gedaliah go Misspah, &
do chruinnigheadar fíon agus mórán
toirthe samhraidh.
13 Tuilleamh oile, tháinic Iohanan
mhac Careah, agus uile chaiptíne na
slógh do bhi annsna machairighibh, go
Gedaliah go Misspah,
14 Agus a dubhradar ris: Ann bhfuil
tusa go dearbhtha, gur chuir Baalis Rìgh
no Nammoniteach Ismael mhac Netaniah
dod mharbhadh? acht níor chreid Ge-
daliah mhac Ahicam iad.
15 Ann sin do labhair, Iohanan mhac
Careah re Gedaliah ann Misspah go fo-
creideach, gha rádh, Léig dhamsa im-
theachd, iarruim dathchuinge ort, agus
muirfidh mé Ismael mhac Netaniah, &
ní bhiáidh a fhios ág aonduine: créd
fá muirfeadh sé thusa, chor go scaipfidhe
na huile Iúduighe dar chruinnigh chugad,
agus go mbáileochthaói a mairionn as
Iúdah?
16 Acht a dubhairt Gedaliah mhac
Ahicam re Iohanan mhac Careah, Ní
dhéana tú an ní se, óir is bréag labhrus
tú ar Ismael.

CAIB. XLI.

Do *fill Iohanan daoine na tíre ó Ismael, neach do mharbh Gedaliah an tuachdaran.*

A Nois tárla annsa seachtmhadh mí, go
ttáinic Ismael mhac Netaniah mhic
Elisamah don tsíol ríoghdha, agus prion-
sadha an Rìgh, eadhon deithneamhar
fear leis, go Gedaliah mhac Ahicam go
Misspah, agus annsin a dúadar arán a
bhfochair a chéile ann Misspah.
2 Annsin déirigh Ismael mhac Neta-
niah agus an deithneamhar fear do bhí
iona fhochair, agus do bhuailleadar Ge-
daliah mhac Ahicam mhic Saphan leis an
ccloidheamh, & do mharbhadar é, noch
dá ndéarna Rìgh na Babiloine úachta-
rán ós cionn na tíre.
3 Do mharbh fós Ismael na Iúduighibh
uile

uile do bhí iona fhochair, eadhon a
marbhadh Ghedaliah ann Mispah, agus
na Caldéanaigh noch do fríth ann, agus
na fir chogaidh.
4 Agus tárla an dara lá tar éis
Ghedaliah do mharbhadh dhó, agus nach
raibh a fhios ag duine ar bith,
5 Go ttáinic daoine áirighe ó She-
chem, ó Shíloh, agus ó Shamária, eadhon
ceithre fichid fear agá rabhadar a
bhféasóga bearrtha, & a néaduighe réub-
tha, & ar na ngearradh féin, maille re
hofrálaibh, agus túis iona lámhuibh,
dá ttabhairt go tigh an Tighearna.
6 Agus do chuáidh Ismael mhac Ne-
taniah amach as Mispah na ccoinne, ag
gul ar fad ag imtheacht dó, agus tárla
mar do theagmhuidh dhóibh, go ndubh-
airt sé riu, Tigidh go Gedaliah mhac
Ahicam.
7 Agus is amhluidh bhí a nuáir thán-
gadar go lár na ceaithreach, gur
mharbh Ismael mhac Netaniah iad a
ttar an loig, é féin agus an mhuintir do
bhí iona fhochair.
8 Acht do frith deithneamhar fear
eatorra a dubhairt re Ismael, Ná
marbh sinne: óir atá ionnmhus aguinn
ann sa machaire, do chruithneachd, agus
d'eórna, agus dola, agus do mhil: ann-
sin do choisc sé, agus níor mharbh sé
iad a measc a ndearbhráithreach.
9 Anois do bé an log, ar theilg
Ismael cuirp mharbha na ndaóine (noch
do mharbh sé a ttaobh Ghedaliah) do
rinne Asa an Rígh ar eagla Bhaasa
Rígh Israel, agus do líon Ismael mhac
Netaniah é leis an ndruing do mar-
bhadh.
10 Annsin rug Ismael leis a láimh an
chuid oile don phobal uile do bhí ann
Mispah, eadhon ingheana an Rígh agus
na daoine uile d'fan ann Mispah, noch
do thiodhluic Nebusaradan caiptín an
gharda re Gedaliah mhac Ahicaim, agus
rug Ismael mhac Netaniah leis iad,
agus dimthigh sé chum dul anonn gus
na Hammoniteachaibh.
11 Acht a nuáir do chúaluidh Joha-
nan mhac Careah, agus uile Chaiptine
na slógh do bhí iona fhochair, a nuile
olc dá ndéarnuidh Ismael mhac Neta-
niah,
12 Annsin rugadar léo na daóine uile,
& do chúadar do throid re Hismael
mhac Netaniah, & fúaradar é láimh ris
na huisceadhaibh móra atá a Ngibeon.
13 Anois tárla a nuáir do chonnaire
an pobal do bhaóinibh a bhfochair Ismael,
Johanan mhac Careah, & uile Chaip-
tine na slógh do bhí iona fhochair, ann-
sin do bhádar lúathghaireach.
14 Marsin thainic an pobal uile
rug Ismael a láimh ó Mhispah fá
cuairt, agus diompóigheadar, agus do
chúadar go Johanan mhac Careah.
15 Acht do chuaidh Ismael mhac
Netaniah as ó Johanan maille re ochdar
fear, agus do chuaidh sé gus na Ham-
moniteachaibh.
16 Annsin rug Iohanan mhac Careah
agus uile Chaiptinighe na slógh do bhí
iona fhochair, fuighioll na ndaóine uile,
do bhean sé do Ismael mhac Netaniah
ó Mhispah (tar éis Gedaliah mhac Ahi-
cam do mharbhadh dhó) eadhon fir
láidre chogaidh, agus na mná, agus na
leanba, agus na seomradóirighe, noch
thug sé a ris ó Ghibeon.
17 Agus do ghluaisiodar, agus do it-
reabhadar a náitreabh Chimcham,
noch atá láimh ré Betlehem, do dhul
a steach don Négipt,
18 Do bhrígh na Ccaldeánach: óir
do bhádar eaglach rompa, do bhrígh
gur mharbh Ismael mhac Netaniah, Ge-
daliah mhac Ahicam, noch dá ndéarna
Rígh na Babilóine uachdarán annsa tír.

CAIB. XLII.

Ceasg Johanan do iarr fios ó Dhia, ge gu raibh ar aire dol don Egipt anadhaigh chomhairle Dé.

ANn sin thangadar Caiptine uile
na slógh a bhfogus, agus Ioha-
nan mhac Careah agus Iesaniah mhac
Hosaiah, agus an pobal uile ó bheag
go mór,
2 Agus a dubhradar ris an bhfáigh
Ieremiah, Guidhmid thú, tuiteadh ar
ngearán ad lathair, agus guidh air ar
son chum an Tighearna do Dhía, eadhon
ar son a nfuighillsi uile: (óir níor
fágbhadh aguinn acht beagán do
mhóran, mar do chíd do shúile sinn.)
3 Chor go ttaisbeanfa an Tighear-
na do Dhía dhúinn, an tslighe iona
bhféadfam siubhal, agus an ní fhéad-
fam do dhéanamh.
4 Ann sin a dubhairt Ieremiah an
fáigh riú, Do chúala mé sibh: féuch,
guidhfidh mé chum an Tighearna bhur
Ndía do réir bhur mbríathar, agus tiuc-
fuidh a ccrích gidh bé ar bith ní
fhreagorus an Tighearna dhíbhsi, go
bhfoillseocha mé dhíbh é; ní choinn-
eochad aóinní ar ccúl uáibh:
5 Ann sin a dubhradar ré Ieremiah,
Biodh an Tighearna na fhiadhuin fhí-
rinnigh dhírigh eadhruinn, muna ndéar-
nam do réir na nuile neithe ar son a
ccuirfidh an Tighearna do Dhía chu-
guinn thú.
6 Mas maith nó mas olc é, uimhleo-
cham do ghlór an Tighearna ar Ndía,
chum a ccuirmid thusa; chor go mbeithior
go maith aguinn an tan uimhleocham
do ghuth an Tighearna ar Ndía.
7 Agus tárla déis dheich lá go ttáinic
briathar an Tighearna go Ieremiah.
8 Ann sin do ghoir sé Iohanan mhac
Careah agus uile Chaiptine na slógh
noch do bhí iona fhochair, agus an
pobal uile ó bheag go mór,
9 Agus a dubhairt sé riu, Is marso a
deir an Tighearna Dia Israel, chum ar
chuireabhair misi dfoillsiughadh bhur
ngearráin Dó,

10 Má fhantaói a ccomhnuidhe annſa tírſe, annſin cuirfidh miſi ſúas ſibh, agus ni ſhraòilfe mé ſíos ſibh, agus plainn-deocha mé ſibh, agus ní thairreonga mé a níos ſibh: óir is aithreach liom an tolc do rinne mé oruibh.

11 Ná bíodh eagla Rígh na Babilóine oruibh, re a bhfuil eagla aguibh: ná himeagluighe roimhe, a deir an Tighearna, óir atáimſi libh dá bhur ſáoradh, agus dá bhur ttárthail as a láimh.

12 Agus taisbéanſa mé grása dhíbh, chor go mbía truáighe aigeſion díbh, agus go ttuga ſé oruibh filleadh dá bhur ndúthaigh féin.

13 Acht má dearthaói, Ní choimhneo-cham annſa tírſi, agus gan umhlughadh do ghuth an Tighearna bhur Ndía,

14 Gha rádh, Ní beadh, acht racham go crích na Hégipte, mar nach bhfaic-ſiom cogadh ar bith, & nach ccluinſiom fuáim an ſtuic, agus nach bhfuighiom ocras aráin, & coimhneocham annſin:

15 Agus anois uimeſin éiſtigh focal an Tighearna, ſibhſi a fhuighioll Júdah, is marſo a deir Tighearna na ſlógh Dia Iſrael, Má churthaóiſe bhur naighthe go hiomlán ar dhul don Négipt, agus im-theacht agus dul do chomhnuighe ann,

16 Annſin tiucfuidh a ccrích, an cloidheamh roimhe a raibh bhur neagla go mbéara ſé oruibh a ttír na Hégipte, agus an ghorta re a bhfuil eagla oruibh, go leanfuidh ſé go lúath ſibh don Né-gipt, agus éugfuidhe ann ſin.

17 Marſin bhías ag a nuile dhuine chuirfios a aghaidh ar dhul ar chuairt don Négipt: éugfuid leis an ccloidheamh, leis an ngorta, agus leis a bpláigh: agus ní mhairfidh áonduine aca, agus ní ra-chaidh as ó nolc do bhéara miſi orra.

18 Oír is marſo a deir Tighearna na ſlògh Día Iſrael, Mar do dhoirteadh mfearg agus mo chorruigh amach ar áitreabhachaibh Jeruſalem, is marſin dóirtfighear mfearg amach oruibhſi, an tan rachtaoi don Négipt: agus beithí mar mhallughadh, agus mar úathbhas, & mar mhallacht, & mar mhaſla, agus ní fhaicfidhe a náitſi ní ſa mhó.

19 A dubhairt an Tighearna dá bhur ttáobh, a fhuighioll Júdah, Ná héirgidhe don Negipt: bíodh a fhios aguibh go deimhin gur chomhairligh miſi ſibh a niugh.

20 Oír do léigeabhair oruibh ann bhur ccroidhthibh a nuáir do chuireabhair miſi chum an Tighearna bhur Ndía, gha rádh, Guidh air ar ſoinne chum an Tigh-earna ar Ndía, agus do réir a nuile ní déaras an Tighearna ar Ndía, mair-ſin innis dúinn, agus do dhéanamne é.

21 Agus anois dfoillſigh mé dhíbh é a niugh, acht níor umhluigheabhair do ghuth an Tighearna bhur Ndía, nó da-óinni ar ſon ar chuir ſé miſi chugaibh.

22 Anois uimeſin bíodh a fhios aguibh go dearbhtha go néugfuidhe leis an ccloidheamh, leis an ngorta, agus le an bpláigh, annſa náit ar mían libh dul agus comhnuighe do dhéanamh ann.

CAIB. XLIII.

Tug Johanan fuighioll an phobuil do Négipt, & Jeremiah fómorro; neach do thairngir gu buailfeadh Rí na Babilóine fìu ag ſin féin.

AGus tárla an tan do chríochnuigh Jeremiah labhairt ris an bpobal uile bhríathra an Tighearna a Ndía arſon ar chuir an Tighearna a Ndía chuca é, eadhon na bríathraſa uile,

2 Annſin do labhair Aſariah mhac Hoſaiah, agus Johanan mhac Careah, agus na daóine uáibhreacha uile, gha radh re Jeremiah, Labhraidh tú bréug: ní hé an Tighearna ar Ndía do chuir thú dha rádh, Ná héirigh don Négipt do chomhnuidhe annſin.

3 Acht aſé Baruch mhac Neriah do bhroſtuigh thú ar naghuidhne dar ttabhairt a láimh na Ccaldéanach, ionnus go ccuirdís chum báis ſinn, agus go mbeirdís ſinn a láimh don Bhabilóin.

4 Marſin níor umhluigh Johanan mhic Careah, agus uile chaiptíne na ſlógh, agus an pobal uile do ghlór an Tighearna, do chomhnuidh a ttír Júdah.

5 Acht rug Johanan mhac Careah, agus uile chaiptíne na ſlógh leo fuigh-ioll Judah uile, dfill ó gach uile chrích ann ar díbreadh íad, do chomhnuighe a ttír Júdah.

6 Eadhon fir, agus mná, agus lean-ba, agus ingheana an Rígh, agus gach áon dar fhág Nebuſaradan caiptín an ghárda ag Gedaliah mhac Ahicam mhic Saphan, agus Jeremiah an fáigh, agus Baruch mhac Neriah.

7 Marſin thangadar go crích na Hégipte: óir níor umhluigheadar do ghuth an Tighearna; marſo thangadar go Tahpanches.

8 Annſin tháinic focal an Tighear-na go Jeremiah ann Tahpanches, gha gádh,

9 Glac clocha móra ann do láimh, agus foluigh íad annſa chríaidh a ſorn na mbríceadh, noch atá ag dul a ſteach tighe Phárao ann Tahpanches a radh-arc mhuintire Júdah;

10 Agus abair ríu, marſo a deir Ti-ghearna na ſlógh Día Iſrael, Féach ataim mé, glacſa mé Nebuchadreſar mo ſheirbhíſeach Rígh na Babilóine, agus cuirfidh mé a chathaóir ar na cloch-aibhſi dfoluigh mé, agus leathnochaidh ſé a pháilliun ríoghamhuil ós a ccionn.

11 Agus an tan thiucfas ſé, buailfidh ſé tír na Hégipte, an mhéid atá chum báis, don bhás; an mhéid atá chum daoirſine, don dáoirſine; agus an mhéid atá chum an chloidhimh, don chloidheamh.

12 Agus lasfuidh ſé teine a tighthibh dhée na Hégipte, agus loiſgfidh ſé iad,

iad, agus béara leis a láimh iad ; agus
rochuidh é féin lé dúthaigh na Hé-
gipte, mar chuirios tréaduighe na
cénach a chulaidh uime, agus imeo-
chaidh sé amach as sin a siothcháin.
13 Brisfidh sé fós íomháighe Bhet-
shemes atá a ccrích na Hégipte, & loisg-
fidhear tighthe dhée na Négipteach
le teine.

CAIB. XLIV.

Teachdaireacht Dè chum na Niuduigheadh do bhí sa Négipt.

AN focal tháinic go Jeremiah a
ttaobh na nuile Jùduigheadh, noch
chomhnuighios a ccrích na Hégipte,
noch áitreabhas ag Migdal, agus ag
Tahpanches, agus ag Noph, agus a ttír
Patros, gha rádh,
2 Is marso a deir Tighearna na slógh
Dia Israel, Do choncabhair a nuile
olc thug misi ar Jerusalem, agus ar
chaithreachaibh Iùdah uile ; agus
féuchaidh, a niugh atáid síad na bhfá-
sach, agus ní áitreabhann duine ar
bith ionta.
3 Do bhrígh a nuilc do rinneadar
dom bhrostughadh chum feirge, an
tan ad a ndeachadar do losgadh túise,
agus dfoghnamh do dhéeibh oile, nach
ar bhaithne dhóibh, dhóibh féin, dhibh-
se, ná dá bhur naithribh.
4 Mata gur chuir misi chugaibh mo
sheirbhísigh na fáighe, ag éirghe go
moch, agus agá ccur uáim, gha rádh,
Oh ná déanuidh an ní adhf huathmharso
noch fhuathuighimsi.
5 Acht níor éisteadarsan, ní mó do
chlaonadar a cclúas dfhilleadh ó na
nolc gan túis air bith do loscadh do
dhéibh oile.
6 Uimesin do dóirteadh amach mo
fhearg, agus mfearg, agus do lasadh
í a ccaithreachaibh Iúdah, agus a
sráidibh Ierusalem, agus atáid na bhfá-
sach, agus uáigneach do réir an láe
a niugh.
7 Uimesin anois is marso a deir an
Tighearna Día na slógh, Día Israel,
Cred fá ndéintí an tolc mórso a nagh-
aidh bhur nanmann, do ghearradh uaibh
amach fear agus ban, leanabh agus
naoidhean amach as Iúdah, go nach
bhfágfaidh fuighioll agaibh re mar-
thain ;
8 An tiónad ar bhrosduigheabhair
misi chum feirge lé hoibreachaibh
bhur lámh, ag losgadh túise do dhèibh
oile a ccrích na Hégipte mhar a ndeacha-
bhair do chomhnuidhe, chor go ngéarr-
faidh sibh amach, agus go mbeith sibh
mar mhallughadh, agus mar scannail
a measc uile chineadhach an domhuin?
9 Nar dhearmadabhair uilc bhur
naithreadh, agus uilc Ríghtheadh Iúdah,
agus uilc a mban, agus bhur nuilc féin,
agus uilc bhur mban, noch do rinnea-
dar a ttír Iúdah, agus a sráidibh
Ierusalem ?
10 Níor humhluigheadh iad gus a
niugh, ní mó do uamhnuigheadar nó do
shiubhluigheadar ann mo dhligheadhsa,
nó ann mo statúidibh, do chuir mé
romhuibh, & roimhe bhur naithribh.
11 Uimesin is marso a deir Tigh-
earna na slógh Día Israel, Féuch, cuir-
fe misi mo aghaidh bhur naghaidhsi chum
uilc, & do ghearradh amach Iúdah uile.
12 Agus glacfa mé fuighioll Iúdah
do chur a naighthe do dhul go crích
na Hegipte ar cuairt annsin, agus
scriosfuighior uile iad, agus tuitfid a
ccrích na Hégipte: eadhon muirfighear
iad leis an ccloidheamh, agus leis an
ngorta, agus éugfuid síad ó bheag go
mór leis an ccloidheamh, agus leis
an ngorta, agus béid na mall-
ughadh, agus na nùathbhás, agus na
mallachd, agus na scannail.
13 Oír smaichdeochuigh misi an drong
áitreabhas a ccrích na Hégipte mar
do smachduigh mé Ierusalem, leis an
ccloidheamh, leis an ngorta, agus leis
an bpláigh.
14 Iondus nach rachaidh as, agus
nach mairfidh aoinneach dfuighioll
Iúdah dá ndeachaidh go crích na Hé-
gipte do chomhnuidhe annsin, lé bhfillfidis
go tír Iúdah mar a bhfuil fonn orra
dáitreabhadh ann: óir ní fillfighear ach
an mhéid rachus as.
15 Annsin do fhreagair a nuile dhuine
dá raibh a fhios gur loisgeadar a mná
túis do dhéeibh oile, & na huile mhná
dar sheas na bhfochair a ccoimhthionol
mhór, eadhon an pobal uile dáitreibh a
ccrích na Hégipte, ann Patros, do Ie-
remiah, gha rádh,
16 Ar son a nfocail do labhair tú
rinne a nainm an Tighearna, ní
éistfiom riot:
17 Achd do dhéanam go deimhin-
gach uile ní dá ttéid amach as ar
mbéul féin do losgadh túise do bhainrío-
ghain neimhe, & do dhórtadh ofrála
dighe dhí mar do rinneamar féin,
agus ar naithre, ar Ríghthe, agus ar
bprionnsadha a ccaithreachaibh Iúdah,
agus a sráidibh Ierusalem: óir annsin
do bhí fairsinge bhidh aguinn, agus
do bhámar go maith, agus ní fhaca-
mar olc ar bith.
18 Acht ó nuair far sguireamar do
loscadh túise do bhainríoghain neimhe,
agus ofráil dighe do dhórtadh amach
dhi, do bhí easbhuidh a nuile neithe
maithe oruinn, & do marbhadh sinn leis
an ccloidheamh, & leis an ngorta:
19 Agus an tan do loisgeamar túis
do bhainríoghan neimhe, & do dhóirt-
eamar amach ofrála dighe dhi, A
ndéarnamar breacácadha dhi dá hadh-
radh, agus do dhórtadh ofrála dighe
dhi, a bhféagmhuis ar bhfear?
20 Annsin a dubhairt Ieremiah ris-
an

an bpobal uile, ris na fearuibh, & ris na
mnáibh, agus ris an bpobal uile thug
an Fhreagra sin air, gha rádh,
21 Nach ar chuimhnidh an Tighear-
na an túis do loisgeabhair a gcaithrea-
chaibh Iúdah, agus a sráidibh Ierusalem,
sibh féin, agus bhur naithre, bhur Rígh-
the agus bhur bprionnsadha, agus daoine
na tíre, agus nach ttáinic sé ann a
inntin?
22 Iondus nar fhéad an Tighearna
iomchar ní budh faide, do bhrígh uile
bhur ngníomhsa,agus do bhrígh na ngrái-
neamhleachd do rinneabhair: uime-
sin atá bhur ttír na fásach, agus na
búathbhás, agus na mallughadh gan áit-
reabhthach, mar atá a niugh.
23 Do bhrígh gur loisgeabhair túis,
agus do bhrígh gur pheacuigheabhair a
naghaidh an Tighearna, agus nar umh-
luigheabhair do ghuth an Tighearna,
agus nár shiubhluigheabhair iona dhligh-
eadh, no iona reachtuibh, nó ann a
fhiaghnuisibh; uimesin táinic an tulcso
oruibh, mar atá a niugh.
24 Tuilleamh oile, a dubhairt Ieremi-
ah ris an bpobal uile, agus ris na
mnáibh uile, Eistigh bríathar an Tigh-
earna, a Iúdah uile atá a ccrích na
Hégipte.
25 Marso a deir Tighearna na slógh
Día Israel, gha rádh, Do labhrabhair
féin,agus bhur mná aráon lé bhur mbéul
féin, agus do chríochnuigheabhair le
bhur lámhuibh, gha rádh, Coimhlíonfam
go deimhin ar móide thugamar do los-
gadh túise do bhainríoghain neimhe, agus
do dhórtádh ofrála dighe dhí; daing-
neochthaoi go deimhin bhur móide, &
coimhlíonfuidhe go deimhin bhur móide.
26 Ar a nadhbharsin éistigh bríathar
an Tighearna, a Iúdah uile chomhnui-
ghios a ccrích na Hégipte, Féuchuidh,
thug misi mionna fám Ainm mór, a deir
an Tighearna, nach ainmneochar mainm
ní sa mhó a mbéul áonduine ar bith do
Iúdah a nuile chrích na Hégipte, gha
rádh, Mairidh an Tighearna Día.
27 Féuch, bía misi ag faire ós a ccionn
chum uilc, agus ní har mhaith; agus
muirfighear a nuile dhuine do Iúdah
bhías annsa Négipt,leis an ccloidheamh,
agus leis an ngorta, nó go raibh
deireadh aca.
28 Gidheadh an nuibhir bheag rachas
as ón ccloidheamh, fillfid síad ó chrích
na Hégipte go tír Iúdah: agus fuigh-
ioll Iúdah uile do chuaidh go crích
na Hégipte ar ccuáirt, áitheonuid cia
híad na focail sheasfas, mfocailse nó
a bhfocailsion.
29 Agus biáidh so mar chomhartha
agaibh, a deir an Tighearna,go smaich-
teocha misi sibh annsa náitsi, chor go
naithneontaoí go seasfuidh mfocailsi go
deimhin ann bhur naghaidh ar olc.
30 Is marso a deir an Tighearna,
Féuch, do bhéara mé Pharao-hophra
Righ na Hégipte a láimh a námhad, a-
gus a láimh na druinge iarras a bhás,
mar thug mé Sedeciah Righ Iúdah a
láimh Nebuchadnesar Righ na Babilóine
a námhaid, agus díarr a bhás.

C A I B. XLV.

*Do chaith Jeremiah ar Baruch (ro lag-
nach,) do dheagh-mheisniughadh.*

AN focal do labhair Ieremiah an
fáidh ré Baruch mhac Neriah,
nuair do scríobh sé na bríathrasa a
leabhar ó bhéul Ieremiah, annsa ceath-
rambadh bliadhain do Iehoiacim mhac
Iosiah Rígh Iúdah, ghá rádh,
2 Is marso a deir an Tighearna
Día Israel riotsa, a Bharuch,
3 A dubhairt tú, A mhairg dhamhsa
a nois, óir do chuir an Tighearna doil-
ghios a ccionn mo dhobróin, dath-
fainnigh mé ann mosnadhuibh, agus ní
fhaghuim suáimhneas ar bith.
4 Is marso a déara tú ris, A dubh-
airt an Tighearna marso, Féuch, briseadh
mé sios an ní do chuir mé súas, agus
an ní do phlannduigh mé tairrngeoch
mé a níos, eadhon an tírse go hiomlán.
5 Agus a niarrann tusa neithe mó-
ra dhuit féin? ná hiarr; óir féuch
do bhéara misi olc air a nuile fheóil,
a deir an Tighearna: acht do bhéara
mé hanum dhuitse mar éadáil annsa
nuile bhall a racha tú.

C A I B. XLVI.

Trom-thairrgir a ttaobh na Hégipte.

BRíathar an Tighearna noch táinic
go Ieremiah an fáidh a naghaidh
na ngeinteadh.
2 A naghaidh na Hégipte, a naghaidh
aidh shlóigh Pharao Necho Righ na
Hégipte, noch do bhí láimh ré habh-
uinn Euphrátes ann Carchemis, noch
do bhuáil Nebuchadnesar Righ na
Babilóine annsa cceathramhadh blí-
adhain do Iehoiacim mhac Iosiah Righ
Iúdah.
3 Gléusuidhse an buicléir & an sgiath,
agus tigidh a bhfogus don chath.
4 Ughamuigh na heich, agus éirigh-
idhe súas, a mharcshlúagh, agus cuiridh
oruibh an téideadh.
5 Cred fa bhfaca mé ag ainbhfainn-
neadh íad, agus ag filleadh ar a cúl,
agus a ndaóine neartmhara buáilte síos,
& ar tteicheamh go lúath, & gan féa-
chuin na ndiáigh? óir do bhí eagla tim-
chioll fa ccuáirt, a deir an Tighearna.
6 Ní theithfidh an duine lúath, agus
ní léigfighear an duine neartmhar do
dhul as; do gheabhuid síad tuisleadh,
agus tuitfid do thíoibh an túaiscirt,
láimh ré habhuinn Euphrátes.
7 Cía hé so thig súas amhuil tuile,
agá bhfuilid a uisgeadha ag corrughadh
mar na srotha?

8 Éireochuidh a Négipt súas amhuil
...le, agus corrochthar a huisgeadha
... amhuil aibhne, agus a deir sé,
... mé súas, agus foileocha mé an
...; scriosfa mé an chathair, agus
a háitreabhthacha.
9 Tigidh súas, a eachraidh, agus
...ighidh a charbada, agus tigedis
na daoine neartmhara amach, na He-
...igh, agus na Libianuigh ghlacus an
..., agus na Lidianuigh ghlacus &
... an bogha.
10 Óir isé so lá an Tighearna Día
na slógh, lá an díoghaltais, chor go
...eoluidh sé é féin air a namhuid:
... sluigfidh an cloidheamh, agus
...chthar é, agus cuirfighear ar
... é lé na bhfuilsion: óir atá íodh-
... ag an Ttighearna Día na slógh
... tír thuáigh láimh ré habhuinn
...phrates.
11 Éiridh súas go Gilead, agus glac
..., a mhaighdion a inghean na Hé-
gipte: is go díomhaóin ghlacus tú
... leighis; óir ní leigheostar thú.
12 Do chúala na cineadhacha do náire,
... do chomhairc an tír: óir do
...igh an duine neartmhar a naghaidh
a chumhachdaigh, agus do thuiteadar
... a naóinfheacht.
13 An focal do labhair an Tigh-
earna ré Ieremiah an fáidh, mar thiuc-
fadh Nebuchadnessar Rígh na Babilóine,
agus go mbuailfeadh sé críoch na
Hégipte.
14 Foillsighidhse san Négipt, agus
...aidh ann Migdol, agus innsidh an
Noph, agus an Tahpanches abruidh:
... go daingion, agus ullmhuigh thú
...; óir muirfidh an cloidheamh sa
cuairt ad thimchioll.
15 Cred as ar sgúabadh do dhaóine
neartmhara uait? níor sheasadar, do
bhrígh gur dhíochuir an Tighearna íad.
16 Thug sé air mhórán tuitiom, aseadh,
do thuit aón ar a chéile, agus a dubh-
radar, Eirgidh, agus déanam a rís chum
ar ndaóine féin, agus go tír ar ndúth-
chais ó chloidheamh na dibhfheirge.
17 Déighmhiodar annsin, Ní bhfuil
acht tormán ann Phárao Rígh na
Hégipte, do sháruigh sé a nuáir chinnte.
18 Mar mhairimsi, deir an Rígh
darab ainm Tighearna na slógh, go
deimhin mar atá Carmel láimh ris an
bhfairge, is marsin thiucfas sé.
19 A inghean áitreabhus annsa Né-
gipt, déan soithighe dhuit féin chum
dul a mbraighdionas; óir biáidh Noph
na fásach, agus uáigneach gan áitreabh-
thach.
20 Is cosmhuil a Négipt ré coll-
uid bhréaghdha, acht thig an taidh-
mhilleadh: thig sé ón ttuáisceart.
21 Atáid fós búannuighe iona mea-
dhon amhuil láogha bíadhta: óir atáid-
sion fós ar na bhfilleadh ar a nais, agus
do theithiodar a naoinfheachd; níor
sheasadar, do bhrígh go ttáinic lá a
naindesi orra, agus aimsir a ccúar-
tuighthe.
22 Rachaidh a ghuth sin amach amh-
uil naithir nimhe; óir rachaid air a
naghaidh ré slúagh, agus tiucfuid na
hadhuigh lé túaghuibh, mar bhúanadha
connaigh.
23 Gearrfuid síad síos a foraois, a
deir an Tighearna, má tá nach féidir
a spíonadh, do bhrígh gur lia íad náid
na dreolláin teasbhuidh, agus nach féidir
a náireamh.
24 Naireochthar inghean na Hégipte,
do bhéarthar a láimh mhuintire an
tuáisceirt í.
25 A deir Tighearna na slógh Día
Israel, féuch, Smaichteocha misi sluagh
No, agus Pharao, agus a Négipt maille
le na ndéibh, agus ré na Righ-
thibh, eadhon Pharao, agus a nuile
dhuine dhóthchusuighios ann.
26 Agus seochóda mé íad a láimh
na druinge íarrus a mbás, agus a láimh
Nebuchadressar Rígh na Babilóine,
agus a láimh a sheirbhíseach: agus na
dhiáigh sin áitreochthar í, mar is na
láethibh a nallód, a deir an Tigh-
earna.
27 Acht ná heagluighse, ó mo sheir-
bhíseach Iácob, agus na bí anbhfann
a Israel; óir féuch, cuimhdeocha misi
thú ó imchéin, agus do shliochd ó
thír a ndaoirsine: agus fillfidh Iácob,
agus biáidh sé a súaimhneas agus a
socamhul, agus ní chuirfidh duine ar
bith eagla air.
28 Ná bíodh eagla ort, a Iácob
mo sheirbhíseach, a deir an Tigh-
earna, óir atáimsi maille riot; do
dhéana mé críochnughadh iomlán do
nuile chineadh, chum ar theilg mé
thú, acht ní cuirfidh mé deireadh
iomlán leachdsa, acht smaichteocha
mé thú a measardhacht, gidheadh ní
fhúigfidh mé thú go hiomlán gan
smachtughadh.

CAIB. XLVII.

Tairrghir atreobh scrios na Bhfilistíneach.

BRíathar an Tighearna, tháinic go
Ieremiah an fáidh a naghaidh
na Bhphilistíneach, suil do bhuáil
Pharao Gasa.
2 Is marso a deir an Tighearna,
Féuch, éireochuid uisgeadha súas ón
ttuáisceart, agus biáid na ttuile tar
bhruach, agus báithfid an tír, agus a
nuile ní dá bhfuil ann, an chathair,
agus an drong áitreabhus innte: annsin
comhairfid na daóine, agus niallfuid
uile áitreabhthacha na tíre.
3 Lé fuáim chloichbheimnigh bhonn
a each láidir, agus le roithrem a char-
bad, & lé toirbhleasgadh a roithlean,
ní fhéuchfuid na haithre síar ar an
ccloinn tre laige lámh.

4 Do bhrigh an láe thig do mhilleadh
na Bhphilistineach uile, agus do ghear-
radh o Thior agus ó Shidon a nuile chui-
dightheach dá maireann; óir creach-
fuidh an Tighearna na Philistinigh, fui-
gbioll tire Chaphtor.
5 Tháinic maóile ar Ghasa: do
gearradh amach Ascelon maille re fui-
ghioll a ngleanna: cá fad ghearrfas
tú thú féin?
6 O a chloidhimh an Tighearna, gá
fad no go mbia tú suáimhneach? cuir a
steach thú féin ann do dhubhla, bi ciúin,
agus suáimnigh.
7 Ciondus is féidir dhó bheith suáimh-
neach, ó thug an Tighearna áithne dhó
a nadhaigh Ascelon, & a naghaidh thrái-
ghe na fairge? ann sin dorduigh sé é.

CAIB. XLVIII.

Tairghir a naghaidh Mhoab arson a dhiomas, &c.

A Naghaidh Mhoab is marso a deir
Tighearna na slógh Dia Israel, A
mhairg do Nebo, óir atá sí airgthe: do
náirigheadh Ciriataim, & do ghabhadh
í: atá Misgab ar na náiriughadh, agus
atá sí anbhfann.
2 Ní bhiáidh níosa mhó do mholadh
ar Mhoab, do thionnscnadar olc na ha-
ghaidh ann Hesbon; Déanam: gearram
amach í ó bheith na cineadh: gearrfui-
ghear fós síos thú, a Mhadmen, lean-
fuidh an cloidheamh thú.
3 Biáidh guth a néighimh ó Horonaim,
creachadh agus aidhmhilleadh mhór.
4 Ata Moab ar na scrios, thug
a náoin bheaga fa deara comhairc do
chluinsion.
5 Oir a ndul súas Luhit rachaidh gul
gnáthach súas; óir a ndul síos Horona-
im do chúaluidh an námhuid guth a
naidhmhillte.
6 Teithidh, sábháluigh bhur nanmanna
agus bithí cosmhuil ris an bhfráoch ann
sa bhfásach.
7 Oir do bhrigh gur chreid tú ann
hoibreachaibh, agus ann hionnmhusaibh,
géubhthar thusa fós, agus racha Chemos
amach a mbraighdionas, maille re na
shagartaibh, agus re na phrionnsadhuibh
a naóinfheacht.
8 Agus tiucfuidh an creachadóir ar
gach uile chathruigh, agus ní rachaidh
cathair ar bith as: millfighear fós an
gleann agus scriosfuighear an réighteach,
mar do labhair an Tighearna.
9 Tugaidh sciatháin do Mhóab, chor
go tteithfidh sé agus go nimeochaidh sé
roimhe, óir béid a chaithreacha uaigneach
gan áitreabhach air bhith ionta.
10 Go madh malluighthe an té do ní
oibreacha an Tighearna go meabhlach,
agus go madh malluighthe an té choin-
neochus a chloidheamh ar ais ó fhuil.
11 Do bhí Moab a suáimhneas ó na
óige; & do shuighidh sé air a mhoirtibh,
& níor folmhuigheadh é ó shoitheach go
soitheach: ní mó do chúaidh a mbraigh-
dionas: uimesin mairidh a bhlas ann féin,
agus níor háthruigheadh a bholadh.
12 Uimesin, féuch, tiucfuid na laethe,
a deir an Tighearna, go ccuirfidh mé
rúagaireadhba chuige, chuirfios dío-
chaibh air seachrán do dhéanamh, &
fholmheochus a shoitheadha, agus bhris-
fios a mbuidéil.
13 Agus biáidh náire ar Mhoab fa
Chemos, mar do bhí tigh Israel náireach
fa Bhetel a ndóthchus,
14 Ciondus a deartháoíse, Atámóidne
ar bhfearuibh cumhachtacha, agus fear-
mhara chum an cogaidh!
15 Do creachadh Moab, agus do
chuáidh sé súas as a chaithreachaibh, do
chuáidh togha a dhaóine óga síos chum a
náir, a deir an Rígh, dar bainm Ti-
ghearna na slógh.
16 Is fogus daindeis Mhoab teacht,
agus deithfrighidh a amhgar go
lúath.
17 Gach a bhfuiltí na thimchioll,
guilidh air a shon, agus sibhsi uile dar
baithnid a ainm, abruidh, Ciondus do
bhriseadh an bata láidir, agus an tslat
sgíamach!
18 Thusa a inghean áitreabhus na
Díbon, tárr a núas ód ghlóir agus suidh
a ttart: óir tiucfaidh creachaire Mhoab
ort, agus scriosfuidh sé do dhaingneacha
láidre.
19 O a áitreabhthuigh Aroer, seas ann-
sa tslighe agus fuirf heith, fiafruigh don
ti theithios agus don mnaói théid as,
agus abair, Cred do rinneadh!
20 Do claóidheadh Móab, óir do
bhriseadh síos é, núalluigh, agus éigh,
innisidhsi ann Arnon gur creachadh
Móab,
21 Agus go ttáinic breitheamhnus ar
an ttír réidh, ar Holon, agus ar Jah-
sah, agus air Mhephaat,
22 Agus air Dhibon, agus ar Nebo,
agus ar Bhet-diblataim,
23 Agus ar Chiriataim, agus ar Bhet-
gamul, agus ar Bhet-meon,
24 Agus ar Cheriot, agus air Bhos-
rah, agus air uile chaithreachaibh thíre
Moab a ccéin nó a bhfogus.
25 Do gearradh adharc Mhoab a-
mach dhe, agus do briseadh a rígh, a
deir an Tighearna.
26 Cuiridhsi ár meisce é, óir do
mhóruigh sé é féin a naghaidh an Ti-
ghearna: unfuirtfigh Móab é féin mar
an ccéadna iona sceathruigh, agus biáidh
sé fós na sgige.
27 Oír nach raibh Israel na mhag-
adh aguibhsi? ar frith é a measg ghad-
uighthe? óir ó nam far labhair tú air,
do ling tú le lúathgháir.
28 O sibhsi áitreabhus ann Móab, fág-
bhuidh na caithreacha, agus comhnui-
ghidh annsna cairgibh, agus bithí cos-
mhuil ris an ccolum do ni a nead a
leath taóibh bhéil an tuill.

29 Do

29 Do chualamar úabhar Mhóab,
(is ro uaibhreach, a mhórdhacht,
agus a úabhar, agus a rímhiadh, agus
uaille a chroidhe.
30 Is aithnid damhsa a fhearg, a
deir an Tighearna, acht ní bhía sin
amhlaidh, ní chuideochuid a bhréaga
domhaoin leis.
31 Ar a nadhbharsin nuallfuidh misi
ar son Mhoab, agus goirfidh mé na
comhairc ar son Mhoab uile, osnadh-
fuidh mo chroidhe ar son fhear Shir-
heres.
32 O a fhíneamhuin Shibmah
goilfidh mé ar do shon maille re gul
Iaser; do chuáidh do phlanndadha thar
fairge, roichid go fairge Iaser, do thuit an
sgriosadóir ar do thóirthe samhraidh,
agus ar thoradh thfíneamhan.
33 Agus rugadh gáirdeachus, agus
lúthghháir ón machaire thóirtheamhuil,
agus ó thír Mhóab: agus thug mé fa
deara fíon dfailliughadh ó na nomaruibh
fíona, ní shailteoruidh duine ar bith
maille re gáir, ní budh éangbháir a ngáir.
34 O éighiomh Hesbon, eadhon go
Elealeh, agus go Iahas do ghoiread r
a ccomhairc, ó Shoar go Horonaim
amhuil colpach thrí mbliadhan daóis:
óir bíaid fós uisgeadha Nimrim uáigneach.
35 Tuilleamh oile, do bhéara mé fa
deara do chosg ann Móab, a deir an
Tighearna, an té ofrálus annsna háitibh
arda, & an té loisgios túis dá dhéibh.
36 Uimesin fuáimneochuidh mo chroi-
dhe amhuil píoba ar son Mhóab, agus
fuáimneochuidh mo chroidhe amhuil
píoba ar son fhear Chir-herés; do bhrígh
go ndéachaidh an saldhbhrios fuáir
sé seachad.
37 Oír biáidh a nuile cheann máol,
agus gach uile fhéasóg beárrtha: biaid
gearrtha air na huile lámhuibh, agus
éadach air na leasrachaibh.
38 Biáidh cumhaidh go coitcheann
ar mhulladhuibh tigheagh Móab & iona
sráidibh; óir do bhris mé Móab
amhuil soitheach ann nach bídh tait-
neamh ar bith, a deir an Tighearna.
39 Núallfuid síad, [ag rádh] Ciondus
do briseadh síos è? ciondus diompóigh
Móab a chúl tré náire? mar sin bhías
Móab na mhagadh, agus na úamhan dá
bhfuil ar gach taóibh dhe uile.
40 Oír is marso a deir an Tighearna,
Féuch, eitillfidh sé amhuil iolar, agus
leathnochuidh a sciatháin ós ccionn
Mhóab.
41 Do gabhadh na caithreacha, agus
do gabhadh na daingne láidre, agus
biáid croidhthe na bhfear nárrachta
ann Móab san ló sin amhuil croidhe
mná iona doighthibh.
42 Agus scriosfuighear Móab ó bheith
na phobal, do bhrígh gur mhéaduigh
sé é féin a naghaidh an Tighearna.
43 Biaidh eagla, agus uáigh, agus
paintéar ort, a áitreabhthuigh Mhóab
a deir an Tighearna.

44 An té theithios ó neagla tuitfidh
sé annsa nuáigh, agus an té thiucfas a
níos as an bpoll, géabhthar san phaintéar
é: óir do bhéara misi air, eadhon air
Mhóab, bliadhuin a ccuartuighthe a deir
an Tighearna.
45 Do sheasadar fa dhíon Hesbon,
an drong do theith tre ainneart: acht
tiucfuidh teine amach as Hesbon, agus
lasair as lár Sihon, agus loisgfidh sí
cuáinne Mhóab agus coróin chinn na
ndaóine cceannairgeach.
46 A mhairg dhuit a Mhóab, atá
pobal Chemos ar na milleadh: óir do
gabhadh do mhic a mbraighdionas, agus
hingheana a láimhdeachus.
47 Giáheadh fillfe misi braighdeanas
Mhóab annsna laéthibh deighionacha, a
deir an Tighearna. Breitheamhnus
Mhóab go nuige so.

CAIB. XLIX.

Breitheamhnus mhuintir Ammon, 9 Edom, 23 Dhamascus, 28 Cedar, 30 Hasor, 34 & Persia.

A Ttaobh na Nammoníteach, is mar-
so a deir an Tighearna; An bhfuil-
id mic ar bith ag Israel? nach bhfuil
oighreadha ar bith aige? cred mai-
seadh as a bhfuil a Righ na oighre ar
Ghad, agus a náitreabhann a mhuintir
iona chaithreachaibh?
2 Uimesin féuch tiucfaid na láethe, a
deir an Tighearna, iona ttiubhra misi
fa deara caismirt chogaidh do chluinsion
ann Rabbah na Nammoníteach, agus
biáidh sí na cárn dholásach, & loisgfi-
ghear a hingheana le teine: annsin
biáidh Israel na oighre air an lucht do
bhí na noighrighibh airsion, a deir an
Tighearna.
3 Núall, a Hesbon, óir do creachadh
Ai: éighidh a ingheana Rabbah, gabh-
aidh sibh féin a saicéadach: cáoidhigh,
agus riothuidh síos sáas láimh ris na fál-
tuibh; óir rachaidh a Rígh a mbraigh-
dionas, a shagairt, & a phrionnsadha a
naóinfeacht.
4 Cred fa ngáirdighion tú annsa
ghleann, ann do ghleann tuileamhuil? a
inghean mhíochoinghiollach do dhóth-
chusuigh iona saidhbhrios, ag rádh, Cia
thiucfas dom ionnsaidhsi?
5 Féuch, do bhéara mé eagla ort, a
deir an Tighearna Día na slógh, ó nuile
dhuine dá bhfuil ad thimchioll, agus dí-
beorthar sibh, a nuile dhuine amach go
díreach, agus ní chruinneochuidh duine
ar bith an té sheachránas.
6 Agus na dhiáigh sin, do bhéara mé
líom a rís bhraighde chloinne Ammon,
a deir an Tighearna.
7 A ttáobh Edom, is marso a deir Ti-
ghearna na slógh, An bhfuil críonnacht
ó so amach ann Teman; nar imthigh
comhairle seachad ón ghlic? a ndea-
chuidh a neagna ar neimhní?
8 Teighidhsi, fillidh ar bhur nais;
áitreabha-

áitreabhuigh go domhuinn, a áitreabh-
thacha Dédan: óir do bhéara miſi
aindeiſi Eſau air, a nuáir thiucfas mé
dha fhéuchuin.
9 Má thigid lucht cnuaſta cáor chugad,
nach fúigfid caora dioghloma? má
thigid gaduighthe ſan noidhche, ſlad-
fuid ſiad nó go raibh go lór aca.
10 Acht do rinne miſi Eſau lom, do
nocht mé a áite ſecréideacha, águs ní
fhéadfa ſé é féin do cheilt: do creachadh
a ſhíol, agus a dhearbhráithre, & a cho-
mharſanna, & ní bhfuil ſé féin ann.
11 Fág do dhílleachtaigh, cuimhdeo-
cha miſi beó iad, agus bíodh dóthchus
aig do bhaintreabhachaibh ionnam.
12 Oir is marſo a deir an Tigh-
earna, féuch, an drong nach raibh a
mbreath ibhe don chupán, díbhiodar go
deimhin, & an tuſa an té rachus go hiom-
lán gan choiriughadh? ní reacha tú
gan choiriughadh, acht go deimhin
iobha thú dhe.
13 Oir do mhionnuigh miſi thríom
féin, a deir an Tighearna, go mbia Boſ-
rah na fáſach, na ſcannail, na háaignios,
& na mallughadh, agus go mbéid a ccai-
go síorruidhe, do chathaóir ó ghinealach
go ginealach.
20 Cred fá ndearmaduigheann tú sinne
go bráth, agus fa ttréigion tú sinn an
comhfhadsa daimsir?
21 Iompoighse sinne chugad, a Thi-
ghearna, agus biaim ar niompóghadh:
athnúadhaidh ar láethe amhuil a nallód.
22 Acht do theilg tú dhíot sinn
thríd amach; atá tú ro fheargach
ar naghaidh.

LEABHAR A NFAIGH ESECHIEL.

CAIB. I.

*…, 5 na Ccerubinigh, 15 na roithleáin,
26 & dheallradh Dé; ag foillsuighadh a
… do bheith ann, & ós gach einní.*

A Nois tháinig a ccrích annsa tríochadmhadh
bliadhain, annsa cheathr…adh mí, an cúigeadh lá don mhí,
… do bhí misi a measg na mbrághad
… ré habhuinn Chebar, gur hosg…
… na neamha, agus go bhfaca mé
… Dé.
2 Annsa chúigeadh lá don mhí (noch
… bhí annsa chúigeadh blíadhain do
…irsine an Rígh Iehoiacim.)
3 Tháinic bríathar an Tighearna go
… go Hesechiel an sagart, mac Busi,
… crích na Ccaldéanach, laimh ré ha-
… Chebar, agus do bhí lámh an
Tighearna air annsin.
4 Agus damhairc mé, agus féuch, thái-
… … ghuairdeáin as an ttuáisceeart,
… mór, agus téine agá casadh féin,
… do bhí lonnradh na timchioll, &
… lár amach mar dhath omra, amach
… lár na teineadh.
5 Mar an ccéadna tháinic as a lár
… cosamhlacht cheithre mbeathach:
… do bé so a ttaisbeanadh, Do bhí cos-
…lachd duine orra.
6 Agus do bhádar ceithre haighthe
… gach aon díobh, agus do bhí ceithre
…athain ag gach aon díobh.
7 Agus do budh cosa díreacha a
…, agus do budh cosmhuil bonn a
… ré bonnuibh chos gamhna, agus
… dhrithleadar cosmhuil ré dath práis
…lmhtha.
8 Agus do bhádar lámha duine aca
… na sciathánuibh ar a cceithre tao-
…bhuibh, agus go bhí ag an cceathrar a
…ighthe agus a sciatháin.
9 Do bhádar a sciatháin ceangailte gach
… dar oile; níor iompoigheadar an
… do ghluáisiodar, do chuáidh gach
… aca go díreach ar a naghaidh.
10 Ar son chosamhlachd a naighthe,
do bhí aca na cceathrar, aghaidh dhuine
& aghaidh leomhuin ar an ttáobh ndeas,
& do bhí gnúis daimh aca na cceath-
rar air an ttaoibh cclé, do bhí fós aca
na cceathrar gnúis iolair.
11 Is marso do bhádar a naighthe:
agus do bhádar a sciatháin sínnte
súas, dhá sciathán gach aóin ceangailte
dhá chéile, agus dhá sciathán ag folach
a ccorp.
12 Agus do chuáidh gach áon díobh
go díreach ar a naghaidh: mar a raibh
an spiorad ar tí dhul; do chúadar, a-
gus níor fhilleadar, a nuáir do imthi-
gheadar.
13 Ar son chosamhlachda na mbea-
thach, do bhí a ttaisbéanadh cosmhuil
ré sméaróidighibh dearga teineadh, &
cosmhuil re taisbeanadh lóchrann: do
chuáidh sé síos agus súas a measg na
mbeathach, agus do bhí an teine lasa-
mhuil, agus do chuáidh tinnteach a-
mach as an tteine.
14 Agus do rithiodar na beathuighe,
agus dfilleadar amhuil taisbéanta lasrach
tinntighe.
15 Anois an tan do fheith mé air na
beathuighibh, féuch, áon roithléan air
an ttalamh láimh ris na beathuighibh,
gun a cheithre haighthibh.
16 Do budh cosmhuil taisbeanadh na
rothadh, agus a nobair ré dath berill:
agus do budh áonchosamhlacht do bhí
aca na cceathrar, agus do bhí a ttais-
béanadh agus a nobair Mar rotha a
lár rotha.
17 An tan do ghluáisdis do ghluáisdis
air a cceithre táobhuibh, agus ní fhill-
dís a nuáir do imthighdís.
18 Ar son a bhfáinneadh, do bhá-
dar an comhardsin go rabhadar úath-
bhásach, agus do bhádar a bhfáinnea-
dha lán do shúilibh fá ccuáirt timchioll
an cheathrair sin.
19 Agus an tan do ghluáisdis na bea-
thuighe, do ghluáisdis na roithleáin leó:
agus a nuáir do tógthaoi súas na bea-
thuighe ón ttalamh, do tògthaoi na roi-
thleáin súas.
20 Gidh bé áit a mbíodh an spiorad
ar tí dhul, do théighdís ann, annsin do
bhí a spioradsan chum dul; agus do tóg-
thaoi na rothadha súas go díreach ós a
ccionn: óir do bhí spiorad beathuigh
annsna rothuibh.
21 A nuáir do ghluáisdis sin, do

 ghluáisdis

ghluáisdís so: agus a nuáir do sheasaidís
sin, do sheasaidís so: a nuair do tóg-
thaói sin súas ón ttalamh, do tógthaói
na roithleáin súas ós a ccoinne: óir
do bhí spiorad beathuigh annsna roith-
léanuibh.
22 Agus do bhí cosamhlacht na spéire
air cheannaibh an bheathuigh, amhuil
dath an chriostail úathbhásaigh, sínte a-
mach ós a cceann shuas.
23 Agus faoi an spéir do bhádar a
sciatháin go díreach, gach áon leath re
chéile; do bhí a dó ag gach áon, noch
dfoluigh don taóibhsi, agus do bhí a dó
ag gach áon noch do folchadh don
taoibhsin a ccuirp.
24 Agus an tan dimthigheadar, do
chúala mé tormán a sciathán amhuil
tormán uisgeadh móra, amhuil guth a
nuile-chumhachtaigh, guth cainte amhuil
tormán sluáigh; an tan do sheasadar, do
léigeadar a sciatháin síos.
25 Agus do bhí guth ón spéire do bhí
ós cionn a cceanna an tan do sheasadar,
agus do léigeadar síos a sciatháin.
26 Agus do bhí ós chionn na spéire do
bhí ós cionn a cceanna cosamhlacht ca-
thaóire ríogha, amhuil taisbéanadh chloi-
che Saphir, agus do bhí ar chosamhlacht
na cathaoire samhlachus amhuil taisbea-
nadh duine air shuas.
27 Agus do chonnairc mé mar dhath
omra, mar thaisbeanadh teineadh na
thimchioll sa ccuáirt a stigh ann: ó thais-
béanadh a leasruigh agus ós a chionn, ⁊
ó thaisbeanadh a leasruigh agus síoi, do
chonnairc mé mar do bheith taisbea-
nadh teineadh, agus do bhí loinnir ann
timchioll sa ccuáirt.
28 Mar thaisbéanadh an bhogha atá
san néull a ló na fearthanna, marsin do
bhí taisbeanadh an déallruigh timchioll
sa ccuáirt. Do bé so taisbéanadh cho-
samhlachta ghlóire an Tighearna, agus a
nuáir do chonnairc mé, do thuit mé ar
maghaidh, agus do chúala mé guth
aoin do labhair.

CAIB. II.

An ghairm, ⁊ an ghorg-theachtaireacht do fuair Esecíel.

AGus a dubhairt sé riomsa, A mhic
an duine, seas ar do chosaibh, agus
laibheora misi riot.
2 Agus do chuáidh an spiorad a steach
ionnam, an tan do labhair sé riom, agus
do chuir sé air mo chosaibh mé, iondus
go ccúala mé an té do labhair riom.
3 Agus a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, cuirim thú go cloinn Israel
go cineadh easumhal do chuáidh a neas-
aonta am aghaidhsi; do chiontuigheadar
féin agus a naithre am aghaidh gus an ló
a niugh.
4 Oir is clann mhíonáireach íad agus
crúadhchroidheach: cuirim thusa chuca,
agus a déara tú ríu, Is marso a deir an
Tighearna Día.

5 Agus má éistid síad, nó má [illegible]
gid (óir is tígh easumhal iad) [illegible]
sin biáidh a fhios aca go raibh [illegible]
iona measg.
6 Agus thusa a mhic an duine [illegible]
odh eagla ort rompa, agus ná bíodh [illegible]
la a mbríathar ort, mata go mbéid [illegible]
sa ⁊ dosáin maille riot, ⁊ go [illegible]
tú a measc naithreach nimhe: ná [illegible]
eagla ort ré na mbríathraibh, agus [illegible]
bi anbhuáineach sa na naighthibh, [illegible]
go bhfuilid na ttigh easumhal.
7 Agus laibheora tú mo bhríathra
ríu, má éistid, nó má sguirid, óir [illegible]
ró easumhal.
8 Acht, thusa a mhic an duine, [illegible]
cred a déara misi riot, na bídh [illegible]
mhal cosmhuil ris an ttigh easumhal [illegible]
fosguil do bhéul, agus ith an ní [illegible]
misi dhuit.
9 Agus a nuair damhairc mé, [illegible]
do cuireadh lámh chugam, agus [illegible]
do bhí rola leabhair inte.
10 Agus do leathnuigh sé ós mo [illegible]
ne é, agus do bhí sé scríobhtha [illegible]
stigh agus amuigh, agus do bhí [illegible]
tha ann, caoineadh, olnadha, agus [illegible]
neach.

CAIB. III.

Do chuir Dia meisneach fo Esecíel, ⁊ [illegible] fíor-Riaghail na faighbeadóireacht, [illegible]

TUilleamh oile a dubhairt sé riomsa,
A mhic an duine, Ith an ní [illegible]
gheibh tú, ith an rolaso, agus [illegible]
labhair ré tígh Israel.
2 Annsin dfoscail mé mo bhéul, agus
thug sé orum an rola dithe.
3 Agus a dubhairt sé riom, A mhic an
duine, tabhair air do bholg [illegible], agus
lion do mhionach leis an rola [illegible]
dhuit, annsin a duaigh mé é, ⁊ do bhí
sé ann mho bhéul mar mhil ar [illegible].
4 Agus a dubhairt sé riom, A mhic an
duine, imthigh, éirigh go tígh Israel, ⁊
labhair lem bhríathruibhsi ríu.
5 Oír ní curthar thú a ccionn daóine
do ghlór choimhthigheach, ⁊ do [illegible]
ga chruáidh, acht chum tighe Israel:
6 Ni chum móráin daóine do [illegible]
choimhthigheach, agus do [illegible]
áidh, nach féidir dhuit a [illegible]
thuicsin: go deimhin dá [illegible]
sin thú, déisdfidís riot.
7 Acht ni éistfidh tígh Israel riot; [illegible]
ní éistfid síad riomsa: óir atá [illegible]
Israel uile míonáireach, agus crúadh-
chroidheach.
8 Feuch, do rinne mé haghaidh lá-
dir a naghaidh a ngnúise, agus [illegible]
láidir a naghaidh a néadansan.
9 Amhuil adamant is crúaidhe [illegible]
cloch thineadh do rinne mé [illegible];
ná himeagluidh íad, agus ná [illegible]
nigh le na bhféuchanaibh, [illegible]
bhfuilid na ttigh Easumhal.
10 Tuilleamh oile, a dubhairt sé riom,
a mhic an duine, gábh ann do [illegible]

[illegible] bhriathraſa uile, noch laibheorus mé
[illegible] cluin lé do chluaſaibh.
11 Agus éirigh, imthigh mhar a bhfuilid
[illegible] na bruide, chum do dhaóine féin,
[illegible] labhair riu, agus innis dóibh, Is
[illegible] a deir an Tighearna Dia, má
[illegible], nó má ſguirid.
12 Annſin do thóg an ſpiorad ſúas mé,
[illegible] do chuala mé am dhiaigh guth tor-
[illegible] [ag rádh] Go madh beann-
[illegible] glóir an Tighearna ó na áit.
13 Do chualaidh mé fós fuáim ſciathán
[illegible] do bhean re chéile, agus
[illegible] na rothadh ós a ccuinne thall, &
[illegible] fuáime móire.
14 Annſin do thóg an ſpiorad ſúas mé,
[illegible] ſé leis mé, agus do ghluais mé
[illegible], a tteas mo ſpioraide, acht
[illegible] lámh an Tighearna láidir orum.
15 Annſin tháinic mé gus na bráigh-
[illegible] go Tel-abib, noch do chomhnuigh
[illegible] ré habhuinn Chebar, agus do
[illegible] mé mar ar ſhuigheadarſan, agus
[illegible] annſin áathbhásach na meaſg
[illegible] lá.
16 Agus tárla a ccionn na ſeacht lá,
[illegible] bríathar an Tighearna chu-
[illegible], ag rádh,
17 A mhic an duine, do rinne mé
[illegible] faire dhiot do thigh Iſrael: uimeſin
[illegible] an bhriathar óm bhéul, agus tabhair
[illegible] dhóibh uáimſi.
18 An tan a déara miſi ris an ccion-
[illegible], Do gheabha tú go deimhin bás
[illegible] nach ttiubhra tuſa rabhadh dhó, &
[illegible] laibheora tú do thabhairt rabhaidh
[illegible] chiontach fá na dhroichſhlighe, do
[illegible] a anma, éugfuidh an droch-
[illegible] ſin iona éigceart féin: acht íarrſa
[illegible] a fhuil as do láimhſi.
19 Gidheadh má thugann tuſa rabhadh
[illegible] chiontach, agus nach bhfillfidh ó
[illegible] chiontuibh, nó ó na dhroichſhlighe,
[illegible] ſé iona éigceart, acht do ſháor
[illegible] hanam féin.
20 A rís a nuáir fhillfios duine fí-
[illegible] ó na fhíréantachd, agus do dhéa-
[illegible] ſé peacadh, agus chuirſeas miſi ceap
[illegible] roimhe, do gheabha ſé bás, do
[illegible] nach ttug tuſa rabhadh dhó,
[illegible] ſé bás iona pheacadh, agus ní
[illegible] a fhíréantacht noch
do rinne ſé; acht íarrſa mé a fhuil as
do láimhſe.
21 Gidheadh má bheir tú rabhadh
[illegible] duine fhíreunta, ionnas nach bpea-
[illegible] an fíréun, agus nach déana
ſé peacadh; go deimhin mairfidh ſé
do bhrígh go bhfuáir ſé rabhadh: mar
an ccéadna do ſháor tuſa hanam
[illegible].
22 Agus do bhí lámh an Tighearna
annſin orum, agus a dubhairt ſé riom,
Eirigh, imthigh amach annſa réiteach, &
laibheora miſi riot annſin.
23 Annſin déirigh miſi, agus féuch
do bhí glóir an Tighearna annſin, mar
an nglóir do chonnairc mé ag ſruth
Chebar, agus do thuit miſi ar ma-
ghaidh.
24 Annſin do chuaidh an ſpiorad ion-
nam, agus do ſhuighidh ſé ar mo choſ-
aibh mé, agus do labhair ſé riom, agus
a dubhairt riom, Eirigh, druid thú ſéin
a ſtigh ann do thigh.
25 Acht thuſa a mhic an duine, cuir-
fid ſiad cuibhreach ort, agus ceangolaid
ſíad thú maille riu, agus ní racha tú
amach iona meaſg.
26 Agus do bhéara miſi air do theangaidh
ceangal do charbad do bhéil,
chor go mbia tú balbh, agus nach biaidh
tú ad fhear imdheargtha; óir is tigh
eaſumhal íad.
27 Acht an tan laibhéorus miſi riot,
foiſceola mé do bhéul, agus a déara tú
ríu, is marſo a deir an Tighearna Día,
An té chluineas cluineadh ſé: agus an
té ſguirios, ſguireadh ſe: óir is tigh
eaſumhal íad.

CAIB. IV.

Fa fhioghair fhoſlongphort anadhaidh Jeruſalem, taiſbeantar an aimſir, ó chlaonadh Jeroboam, gu nuig bhraighdionas Bhabilóin.

THuſa mar an ccéadna a mhic an
duine, ghlac chugad leac, agus
leag romhad í, agus tarruing uirre an
chathair Ieruſalem.
2 Agus cuir foſlongphort na haghaidh,
agus cuir balla ſúas na haghaidh: ſui-
ghidh fós an campa as a coinne, agus
cuir reitheadha gha bualadh tim-
chioll fa ccuáirt.
3 Tuilleamh oile, gabh chugad oi-
gheann íaruinn, agus ſuighidh é mar
bhalla íaruinn eadrad & an chathair,
agus cuir haghaidh leath ris, agus ionn-
ſuigheochthar é, agus cuirfidh tú armáil
na haghaidh: biaidh ſo mar chomhar-
tha do thigh Iſrael.
4 Luidhſi fós air do tháobh clé, agus
leáig éigceart tighe Iſrael air: do réir
uibhre na láetheadh luidhfios tú air, iom-
choruidh tú a néigceart.
5 Oir do leag miſi ortſa bliadhna a
néigceairt do réir uibhre na láetheadh
trí chéad agus nóchad lá; marſin iom-
chorus tú eigceart tighe Iſrael.
6 Agus an tan choimhlíonfus tú iad
luidh a rís air do thaobh deas, agus
iomchóra tú éigceart tighe Júdah ceath-
rachad lá; dórduigh miſi dhuit gach
áon lá ar ſon bliadhna.
7 Uimeſin cuirfidh tu haghaidh leath
ré campa Ieruſalem, agus biaidh do
lámh nochtuigh, agus tairrghirfidh tú
na haghaidh.
8 Agus féuch, cuirſe miſi cuibhreach
ort, agus ní iompocha tú thú féin ód
ttaoibh go chéile, nó go ccríochnuighidh
tú láethe do champa.
9 Glac chugad fós cruithneacht
agus éorna, agus pónar, agus lentilis
agus millet, agus piſfhinain, agus cuir
a náontſoitheach íad, agus déan arán
dhuit

dhuit díobh, do réir uibhre na láetheadh
luighfios tú air do tháobh, trí chéad &
nóchad lá íosas tú dhíobhsin.
10 Agus budh comhthrom fhithchid
Secel do bhíadh íosas tú san ló, ó am
go ham íosas tú é.
11 Iobha tú mar an ccéadna uisge le
miosúr, an seiseadh cuid do hin, ó am
go ham iobhas tú é.
12 Agus íosaidh tú é amhuil bair-
gheana eorna, agus bruithfidh tú é leis a
maóileach thig amach as duine, ann a
radharc.
13 Agus a dubhairt an Tighearna, Is
marso fós íossuid clann Israel a narán
salach a measc na ngeinteadh, mar a
ndibeora misi íad.
14 Annsin a dubhairt misi, Ah a Thi-
ghearna, féuch, níor truáilleadh manam;
óir ó maóis óig súas gus a nois níor
ith mé do ní éugus úadha féin, nó
réabtha na bhlodhuibh, ní mó tháinic
feóil adhfhuathmhar am bhéul.
15 Annsin a dubhairt seision riom,
Féuch, thug mé dhuit otrach bó ar son
otraigh duine, agus uillmheocha tú ha-
rán leis.
16 Tuilleamh oile, a dubhairt sé riom,
A mhic an duine, féuch, brisfidh mé
maide a naráin ann Jerusalem, & íosuid
síad arán lé tomhas agus lé cúram, a-
gus iobhuid uisge lé miosur agus lé
húathbhás.
17 Chór go raibh uireasbhuigh aráin
agus uisge orra, agús go mbéid úath-
bhásach ann a chéile, agus go ccnaóighid
ar son a néigceirr.

CAIB. V.

Fa fhioghair bhearradh ghruáig Jeremiah, taisbeantar díoghbla Jerusalem arsón a heas-umhlacht.

AGus thusa a mhic an duine, glac
chugad scían ghéur, glac chugad
scían bhéartha Bhearbóir, agus tabhair
uirre siubhal air do cheann, agus air
do fhéasóig: annsin glac meadha an to-
mhais, agus roinn an ghrúag.
2 Loiscfidh tú lé teine an treas cuid
a lár na caithreach, an tan choimh-
líontar láethe an champa; agus glacsa
tú an treas cuid, agus buáil íona thím-
chioll lé scín; agus sreathnocha tú trian
leis an gaóith, agus tairreonga misi cloi-
dheamh amach na ndiaighsin.
3 Glacsa tú mar an céadna beagán
díobh a nuibhir, agus ceangola tú íad
ann do sciortuighibh.
4 Annsin glac dhíobh sin a rís, agus
teilg a lár na teineadh iad, agus
loisg íad annsa teine: óir is as sin
thiucfas teine amach go tigh Israel
uile.
5 Is marso a deir an Tighearna
Día, Sí so Jerusalem, do shuighidh mé
í a meadhón na ccineadhach, agus na
ttiorthann atá na timchioll sa ccuáirt.
6 Agus dáthruigh sí mo bhreitheamh
nus a núrchóid ní sa mhó náid na ci-
neadhacha, agus mo reachta ní sa mhó
náid na tiortha atá na tímchioll: óir
do dhiultadar mo bhreitheamhnuis, a-
gus mo reachda, níor shiubhluigheadar
ionnta.
7 Uimesin is marso a deir an Ti-
ghearna Día, Do bhrígh gur mhéaduigh-
eabhairsi ní as mó náid na cineadhacha
atá bhur ttimchioll, agus nar chomhdai-
gheabhair mo bhreitheamhnuis, nach
mó do rinneabhair do reir breitheamh-
nus na ccineadhach atá bhur ttim-
chioll sa ccuáirt:
8 Uimesin is marso a deir an Ti-
ghearna Día, Féuch, misi, misi féin ad
aghaidh, agus do bhéara mé breath ann
do lár a radharc na ccineadhach.
9 Agus do dhéana mé ionnad an ní
nach déarna mé, agus nach déana mé a
leithéid ní sa mhó, do bhrígh huile
ghráineamhlachtsa.
10 Ar a nadhbharsin íossuid na hai-
thre na mic ann do lár, agus íossuid
na mic na haithre; agus béara mé
breatha ionnad, & spréidhfidh mé iom-
lán thfuighill annsna huile ghaóthaibh.
11 Uimesin sa mar mhairim, a deir an
Tighearna Día, Go deimhin do bhrígh
gur shaluigh tú mó shanctóir led uile
neithibh adhfhùathmhara, agus led uile
ghráineamhlachtaibh, ar a nadhbharsin
laighdeocha misi thú mar an ccéadna,
agus ní choigeola mo shúil, agus ni
bhiáidh truáighe air bith agam.
12 Eúgfuidh trían diot leis an bplaigh,
agus le gorta muirfighear íad ann do
lár; agus tuitfidh trían léis an ccloi-
dheamh ad thimchioll sa ccuáirt; agus
sgaóilfe mé trían annsna uile ghaóthaibh,
agus tairreonga mé cloidheamh amach
na ndiáigh.
13 Is marso choimhlíonfuighear
mfearg, agus do bhéara mé air mo bhás
fuireach orra, agus biáidh sólás agam:
agus biáidh a fhios aca gur misi an
Tighearna do labhair é ann mo éad,
an tan choimhlionsas mé mo dhibh-
fhearg ionta san.
14 Tuilleamh oile do dhéana mé ad
fhasach thú, agus ad mhasla a measc
na ccineadhach atá ad thimchioll sa
ccuáirt, a radharc gach a ngabhann
thort.
15 Marsin biáidh sé na scannail agus
na mhagadh, na theagasc agus na
úathbhás do na cineadhachaibh atá ad
thimchioll sa ccuáirt, a nuair do dhéana
breitheamhnus ionnad a bhfeirg & a
ccuthach, agus a niomaithbhioruibh
fiochmhara: misi an Tighearna a
dubhairt é.
16 A nuáir chuirfeas mé orra droch-
shoighde na gorta, noch bhias na
sgrios, noch chuirfios mé dá bhur mil-
leadh: agus méideocha mé an ghorta
oruibh, agus brisfe mé bhur maide aráin.

17 Marsin cuirfe mé gorta oruibh
agus droichbheathuigh, agus do dhéa-
nuid uireasbhach thú; agus rachfuidh
plaigh, agus fuil thríod, agus do bhéara
mé an cloidheamh ort; misi an Ti-
ghearna do labhair é.

CAIB. VI.

Bagrthir ar smacht Israel arson adhradh na niodhal.

AGus tháinic bríathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, suighidh ha-
ghaidh leath ré sléibhthibh Israel agus
tairrghir na naghaidh.
3 Agus abair, Sibhsi a shléibhte Isra-
el, éisdigh bríathar an Tighearna Día,
is marso a deir an Tighearna Día ris
na sléibhtibh, agus ris na cnocaibh, ris
na srothaibh, agus ris na gleantuibh,
féach do bhéara misi, misi féin cloi-
dheamh oruibh, agus millfidh mé bhur
náite árda.
4 Agus béid bhur naltóra áonranach,
agus béid bhur níomháighthe briste,
agus teilgfidh mé síos bhur mairbh as
coinne bhur niodhal.
5 Agus leagfuidh mé cuirp mharbha
cloinne Israel a bhfíadhnuise a niodhal;
agus diosgaóilse mé bhur ccnámha ó
dtiste timchioll bhur naltórach.
6 Ann bhur nuile áitibh comhnuidhe
do dhéantar na caithreacha na bhfásach
agus béid na haite árda uáigneach, ion-
nas go mbéid bhur naltóracha na bhfá-
sach, agus uáigneach, agus go mbrisfi-
dhear bhur niodhail agus go scuirfid, &
go ngearrfuighear síos bhur níomhái-
ghthe, agus go ccuirfighear ar ccúl bhur
noibreacha.
7 Agus tuitfid na mairbh ann bhur
lár, agus biaidh a fhios agaibh gur misi
an Tighearna.
8 Thairis sin fúigfidh mé fuighioll,
chor go mbiaidh cuid agaibh rachus ón
chloidheamh a measg na ccineadhach,
an tan dhioscaoilfighear sibh a measg na
ttíorthann.
9 Agus cuimhneochuid an mhéid ra-
chus as dibh misi a measc na ccineadhach,
mar a mbéarthar a láimh iad, do bhrígh
gur briseadh mé le na ccroidhe strío-
pachamhuil noch do dhealuigh ríomsa, agus
le na súilibh noch théid do striopachus
a ndiaigh a niodhal: agus gráinfid
iad féin do bhrígh na nolc do rinnea-
dar iona nuile ghráineamhlachdaibh.
10 Agus aitheonuid gur misi an Ti-
ghearna, & nach go díomhaóin a dubh-
airt mé, go ndéanuinn an tolcso dhóibh.
11 Is marso a déir an Tighearna a
Ndía, Buail lé do láimh, agus preab
led chois, agus abair: Mo thruáighe
ar son uile dhroichghráineamhlachta
thighe Israel: óir tuitfid ris an ccloi-
dheamh, leis an ngorta, agus leis an
bpláigh.
12 An té atá a nimchéin éugfuidh
sé don phláigh, agus an té atá a bfo-
gus tuitfidh sé leis an ccloidheamh, agus
an té mhairfios agus ionnsuigheochthar,
éugfa sé leis an ngorta: marso choimh-
lionfus mé mo dhíbhfhearg orra.
13 Annsin aitheontaói gur misi an
Tighearna, an tan bhéid a ndaoine mar-
bha a measc a niodhal timchioll sa
ccuáirt a naltórach, air gach aon
chnoc árd a mulluighibh na sliabh uile,
agus faói gach crann glas, agus faói
gach daruigh dhuilleabhairigh, agus a
náit ar ofráladar boladh cumhra dá
niodhaluibh uile.
14 Marsin shínfios misi mo lámh a-
mach orra, agus do dhéana mé an fea-
rann na fhásach, aseadh, ní is uáig-
nidhe ná fásach Dhiblat, iona náit-
reabhthachaibh uile, agus aitheonuid
síad gur misi án Tighearna.

CAIB. VII.

Bagra áidhmhilleadh ro dhoilghe do theacht ar Israel.

TUilleamh oile, tháinic bríathar an
Tighearna chugamsa, ag rádh.
2 A mhic an duine fós, is marso a
deir an Tighearna Día ré tír Israel,
Tháinic deireadh, deireadh air cheithre
coirnéuluibh na tíre.
3 Anois tháinic an críochnughadh
ortsa, agus cuirfidh misi mfearg ort,
agus do bhéarad breath ort do réir do
shlightheach, agus cuirfidh mé luáigh-
eacht do ghráineamhlachta uile ort.
4 Agus ní choigeola mo shúil thú,
ní mó bhías truáighe agum: acht cúit-
eocha mé do shlighthe riot, agus béid
do ghraineamhlachda ann do lár, agus
biáidh a fhios aguibh gur misi an
Tighearna.
5 Is marso a deir an Tighearna Día,
Olc, féuch, tháinic áonolc amháin.
6 Tháinic an chríoch, tháinic an
chríoch, atá sé dot fhaire, féuch, thái-
nic sé.
7 Tháinic an mhaidin ort, thusa
áitreabhus annsa tír: tháinic an tam,
atá lá na buáidheartha a ngar, agus ní
hé fuáim na sliabh a rís.
8 Anois go goirid dóirtse mé mo
dhíbhfhearg ortsa, agus choimhlionfa mé
mfearg ort: agus do dhéana mé breith-
eamhnus ort do rëir do shlightheach, &
cúiteocha mé riot ar son hadhfhúath-
mhaireacht uile.
9 Agus ní choigeoluid mo shúile, ní
mó bhías truáighe agum: cúiteocha mé
riot do réir do shlightheach agus d
ghráineamhlachta atá ann do lár, agus
aitheontaói gur misi an Tighearna, noch
bhuáilios [sibh].
10 Féuch, an lá, féuch tháinic sé
do chuáidh an mhaidin amach, thái-
nic bláth air an tslait, do ghin an-
túabhar.
11 Déirigh an foiréigion súas go
slait a nuilc: ní mhairfidh áon díobh,
no,

nó dá niomadamhlacht, nó dá ccomh-
dháil, ní mo bhías cumha ar a son.
12 Tháinic an tam, atáid na láethe
ag teacht a bhfogus, ná gáirdigheadh
an ceannuighe, ná caóigheadh an rea-
caire: óir atá fearg air a iomadamh-
lacht uile.
13 Oír ní fhillfidh an racaire ar an
ní racthar, giodh go mbeidís fós béo:
óir is a ttaobh a niomuid uile nach
bhfillfidh, atá a nfís: ní mó neartochus
duine ar bith é féin a néigceart a
bheatha.
14 Do shéideadar an stoc, eadhon do
dhéanamh a nuile ní réidh, acht ní théid
duine ar bith chum an chatha: óir atá
mfeargsa air a niomlán uile.
15 Atá an cloidheamh amuigh, agus an
phláigh agus an ghorta a stigh: agus
éugfuidh an té bhías annsa machaire
leis an ccloidheamh, agus muirfidh
gorta agus pláigh an té atá san cca-
thruigh.
16 Acht an mhéid rachus as díobh,
rachaid as, agus béid ar na sléibh-
tibh amhuil coluim na ngleann, íad uile
ag caoi, gach áon ar son a phea-
caidh.
17 Biáidh a nuile lámh lag, agus a
nuile ghlún anbhfann amhuil uisge.
18 Criosfochuid íad féin lé saiscéa-
dach, agus foileochuidh úathbhás íad,
agus biáidh náire air na huile aighthibh,
agus maoile air a cceannuibh.
19 Teilgfid siad a nairgiod annsna
sráidibh, agus áthrochar a nór: ní
fhéadfuidh a nairgiod nó a nór a sio-
radh a ló fheirge an Tighearna: ní
shásfeochuid siad a nanmanna, ní líon-
fuid a nionathar: do bhrígh gur bé
ceap tuislígh a néigceart é.
20 Ar son bhreaghdhacht a chóirigh-
the, do shuighidh sé a neithe adhfhúath-
mhara ionta: uimesin do chuir misi é
a bhfad úatha.
21 Agus do bhéara mé é a lámhuibh
na ccoimhighitheach mar chreich, do
chionntachaibh na talmhan mar éadáil,
agus saileochuid siad é.
22 Fille mé fós maghaidh úatha,
agus saileochuid siad máit sheicréideach;
óir rachfuid na sladmhóiridhe ann a
steach, agus saileochuid é.
23 Déana slabhradh: óir atá an tír
lán do choirthibh fuilteacha, atá an
chathair lán dfoiréigion.
24 Uimesin do bhéara misi díogha na
ngeinteadh, agus sealbhochuid siad a
ttighthe: do bhéara mé fós air phoimp
na neartmhar sgur, agus truáillfighear
a náite naomhtha.
25 Tiucfuidh an taidhmhilleadh, agus
iarrfuid siad síothcháin, agus ní bhía
sí ar fagháil.
26 Tiucfuidh urchóid ar urchóid, &
biáidh iomrádh air iomrádh: annsin iarr-
fuid siad fios air an bhfáigh, acht mu-
ghochuidh an dligheadh on tsagart, agus
comhairle ó na sinnsiorruibh.
27 Caóifidh an Rígh, agus biáidh an
prionnsa ar na éadughadh lé húaig-
nacht, agus buáidheorthar lámha dha-
óine na tíre: do dhéana mé ría do
réir a slighe, agus do réir a ttuillidh
do dhéana mé breitheamhnus orra, a-
gus aitheonuid gur misi an Tighearna.

C A I B. VIII.

*Ceithear taisbeanta, a ttimchioll gráineamh-
lacht na Niúduigheadh.*

AGus tárla annsa feiseadh bliadhain,
annsa seiseadh mí, an cúigeadh lá
don mhí, mar do shuigh mé ann mo
thigh, agus do shuigheadar sinnsir Iú-
dah as mo choinne, gur thuit lámh an
Tighearna Día annsin orum.
2 Annsin damhairc mé, agus féuch
cosamhlacht amhuil taisbeanadh tein-
eadh: eadhon ó thaisbeanadh a leas-
ruigh síos, teine; agus ó na leasrach
súas, amhuil taisbeanadh déalraighthe
mar dhath ómra.
3 Agus do chuir sé cuma láimhe
amach, agus do ghlac misi ar dhlaoi
dom ghruáig, agus do thóig an spiorad
súas mé idir thalamh agus neamh, agus
thug leis mé a bhfisíobh Dé go Hierusa-
lem, go dorus an gheata as faide a
steach, noch fhéuchus leath ris an ttuaisg-
ceart, mar a raibh áit íomháighe an éu-
da, noch bhrosduighios chum éuda.
4 Agus féuch, do bhí glóir Dé Israel
annsin, do réir na físe do chonnairc mé
annsa réiteach.
5 Annsin a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, tóig súas do shúile anois leath
ris an ttuáisceart: marsin do thóg mé
súas mo shúile leath ré slighe an tuáis-
ceirt, agus féuch, don leath thuaidh ag
geata na haltóra, a niomháighe a né-
da annsa dul a steach.
6 A dubhairt sé riom tuilleadh ós,
A mhic a duine, an bhfaiciónn tú cred
do níd siad, eadhon na gráineamhlachda
móra do níd tigh Israel annsa nísi, go
ndeachuinsi a bhfad óm shanctóra? acht
fill fós a rís, agus do chífidh tú gráinea-
mhlachda is mó.
7 Agus thug sé go dorus na cúirte mé,
agus an tan do chonnairc mé, féuch, poll
annsa bhalla.
8 Annsin a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, tochuil anois annsa bhalla:
agus a nuáir do thochuil mé annsa bhal-
la, féuch, dorus.
9 Agus a dubhairt sé riom, Imthigh
a steach, agus féuch na droch ghráinea-
mhlachda do níd siad annso.
10 Mar sin do chuáidh mé a steach &
dféuch mé, agus do chonnairc mé cruth
gach uile neithe shnáidhios, agus bheath-
thach nadhfhuathmhar, agus uile iodhal
thighe Israel, ar na ttarruing air an
mballa timchioll sá ccuáirt.
11 Agus do sheasadar as a ccoinne se-
chtmoghad fear do shinnsioruibh thighe
Israel,

[illegible], agus iona lár do fheas Iaasaniah
[illegible] Saphan, gach aonduine maille re
[illegible] ann a láimh, agus do chuáidh
[illegible] túise súas.
12 Annsin a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, an bhfaca tú cred do níd sinn-
sir thighe Israel annsa dorchadus, gach
[illegible] duine a seómra a iomháigheadh
[illegible]? óir a deirid síad, Ní fhaicionn an
Tighearna sinn, do thréig an Tighearna
an talamh.
13 A dubhairt sé riom mar an ccéad-
[illegible], Fill thort fós a rís, agus do chífidh
[illegible] gráineamhlachta is mó ná íadso do
[illegible] síad.
14 Annsin thug sé mé go dorus
[illegible] thighe an Tighearna, noch do
[illegible] leath ris an ttuáisceart, agus féuch
[illegible] shuigheadar mná ann sin ag gul ar
[illegible] Tammuis.
15 Annsin a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, An bhfaca tú so, iompóigh
[illegible] fós a rís, agus do chífidh tú
[illegible]amhlachda is mó ná íadso.
16 Agus thug sé a steach mé don
[illegible] is síide asteach do thigh an Tigh-
[illegible], agus féuch do bhádar timchioll
[illegible] ar fhithchid ag dorus theampuill
an Tighearna, idir an bpóirsi agus a
[illegible], gon a ndromannuibh leath ré
[illegible] an Tighearna, agus a naighthe
[illegible] tíobh shoir, agus dadhradar an
[illegible] leath ris a' noirthear.
17 Annsin a dubhairt sé riom, An
[illegible] tú so, a mhic an duine? an ní
[illegible] ag tigh Júdah, na gráineamh-
[illegible] do dhéanamh, noch do níd ann-
[illegible]? óir do líonadar an tír dfoiréigion,
[illegible] dom bhrosdughadhsa chum
[illegible]: agus féuch, do chuireadar an
[illegible] chum a sróna.
18 Uimesin do dhéana misi mar an
[illegible] ann mfeirg: ní choigeola mo
[illegible], ní mó bhías truaighe agum: agus
[illegible] go néighfid am chlúasaibh lé guth
[illegible], thairis sin ní chluinfidh mé íad.

CAIB. IX.

[illegible] na Fírein a lár an mhillteachais.

D'Eigh sé fós ann mo chluasaibh lé
guth árd, ag rádh, Tabhair air
[illegible]ánuibh na caithreach teacht a
[illegible], gach uile dhuine gon a arm lead-
[illegible] iona láimh.
2 Agus féuch, thangadar seisior fear
ó shlighe an gheata is áirde, noch atá
leath ris an ttuáisceart, agus arm léir-
[illegible] ag gach áon iona láimh: agus do
[illegible] áonduine iona measg ar na éadugh-
[illegible] a lineadach maille re hadhairc
[illegible] scribhnéora air a tháobh, & do
[illegible] a steach, agus do sheasadar ré
[illegible] na haltóra práis.
3 Agus do chuáidh glóir Dé Israel súas
[illegible] Cherub air a raibh sé, go tairseach
an tighe, agus do ghoir sé air an tí
bhí a néadach lín, agá raibh adharc
dhuibh scribhneora air a tháobh;
4 Agus a dubhairt an Tighearna ris,
Imthigh tré lár na caithreach, tré lár
Jerusalem, agus cuir comhartha air
éadannuibh na ndaóine uchbhadhas, agus
éighios ar son na nuile ghráineamh-
lachta dá ndéantar iona lár.
5 Agus a dubhairt sé léosan ann mo
éisteachtsa, Imhthighidhsi na dhiáigh
thríd an ccathruigh, agus buáilidh, ná
coiglidís bhur súile, agus ná bíodh
truáighe oruibh.
6 Marbhuidh thríd amach sean agus
óg, idir chailínigh agus leanba óga, agus
mhnáibh: acht ná tigidh a bhfogus
dáonduine ar a mbía an comhartha, &
tosuighidh ag mo shanctóirse: annsin
do thosuigheadar ris na daóinibh
seana do bhí as coinne an tighe.
7 Agus a dubhairt sé ríu, Saluighidh
an tigh, agus líonuidh na cúirte leis
na marbhuibh, éirghidhsi amach: agus
do chúadar amach, agus do mharbhadar
annsa chathruigh.
8 Agus tárla an feadh do bhádar dá
marbhadh agus do fágbhadh misi, gur
thuit mé ar maghaidh, & gur éigh mé,
agus go ndubhairt mé, Ah, a Thighearna
Dia, an muirfidh tú ar fágbhadh Disrael
a ndórtadh amach do dhíbhsi feirge ar
Jerusalem?
9 Annsin a dubhairt sé riom, Is an-
mhór éigceirt thighe Israel agus Júdah,
atá an talamh lán dfuil, agus an chathair
lán durchóid: óir a deirid síad, Do
thréig an Tighearna an talamh, agus ní
fhaicionn an Tighearna.
10 Agus air mo shonsa fós, Ní
choigéola mo shúil, ní mó bhías truáighe
agam, acht cúiteocha mé a slighe air
a cceannuibh.
11 Agus féuch, an fear do bhí a
líneádach, agá raibh a nadharc dhuibh
air a tháobh, dinnis sé an chúis, ag
rádh, Do rinne mé amhuil do aithin
tú dhiom.

C A I B. X.

Taisbeadh an ghúal teinidh, ionfeaoileadh; 8 & na Ccerubinigh.

A N sin damhairc mé, agus féuch, annsa
spéir do bhí ós cionn cheann na
Cherubine, do taisbeanadh ós a ccionn
mar do bhíath cloch Shaphir amhail
cosamhlachda cathaóire
taisbeanadh
ríoghda.
2 Agus do labhair sé ris an bhfear ar
a raibh an lineádach, agus a dubhairt
sé, Imthigh a steach idir na rothaibh
eadhon faoi an Cherub, agus líon do
lámh lé gúal teineadh idir na Cheru-
binigh, agus cráobhsgaóil íad ós an
ccathruigh: agus dimthigh sé ann mo
radharc.
3 Annois do sheasadar na Cheru-
binigh ar thaobh deas an tighe, an tan
do chuáidh an duine a steach, agus do
líon

líon an néull an chúirt dob fhaide a
fteach.
4 Ann sin do chuáidh glóir an
Tighearna súas ón Cherub, agus do
sheas ós cionn thairsidhe an tighe, agus
do bhí an tigh líonta do néull, agus
do bhí an chúirt líonta do dhealradh
glóire an Tighearna.
5 Agus do chlos fuáim sciathán na
Cherubineadh annsa chúirt dob fhaide
amach, mar ghuth Dé uilechumhach-
duigh an tan labhras sé.
6 Agus tárla an tan dfúagair sé do
nóglach agá raibh an línéadach uime,
ag rádh, Glac teine ó idir na rothaibh
idir na Cherubínighe; ann sin do
chuáidh sé a steach, agus do sheas sé
láimh ris na rothaibh.
7 Agus do shín áon Chérub a lámh
amach ó idir na Cherubínighe gus an
tteine do bhí idir na Cherubinibh, &
do ghlac dhe, & do chuir sé a lámh-
uibh an tí air a raibh an línéadach;
noch do ghlac é, agus do chuáidh amach.
8 Agus do chonncas annsna Cherubí-
nibh, cuma láimhe duine faói na sciath-
ánuibh.
9 Agus an tan damhairc misi, Féuch
na ceithre roithleáin ag na Cherubínibh,
áon roithléan ag an Cherub, agus roith-
léan oile ag Chérub oile, agus do bhí
taisbeanadh na roithléan amhuil dath
cloiche berill.
10 Agus ar son a ttaisbeantadh, do
bhí áon chosamhlachd aca na cceathrar,
amhuil do bhiath roithléan a lár roith-
leáin.
11 An tan do ghluáisiodar, dimthi-
gheadar air a cceithre táobhuibh; níor
iompóigheadar ag imtheacht, achd chum
na haite air ar fhéuch an ceann, do lea-
nadarsan ann, níor iompoigheadar
mar dimthigheadar.
12 Agus do bhí a ccorp go hiom-
lán, agus a ndromanna, agus a lámha,
& a sciatháin, agus na roithleáin, lán
do shúilibh timchioll sa ccuairt, eadhon
na roithléan, do bhí aca na cceathrar.
13 Ar son na roithlean, do fúagradh
dhóibh ann meisteachda, A rotha.
14 Agus do bhádar ceithre haighthe
ag gach áon, do budh aghaidh Chérub,
an chéad aghaidh, & dó budh aghaidh
duine an dara haghuidh, agus an treas
na aghuidh leomhuin, agus an ceath-
ramhadh na aghuidh iolair.
15 Agus do tógbhadh súas na Cheru-
bínighe; sé so an beathach do chonnairc
misi ag sruth Cheabar.
16 Agus an tan do ghluásiodar na
Cheruibinigh, dimthigheadar na roith-
leáin láimh ríu: agus an tan do thóg-
bhadar na Cherubínigh a sciatháin
súas, déirghe súas ón ttalamh, níor
iompoigheadar na roithleáin chéadna
sin ó bheith na bhfochair.
17 An tan do sheasadar, do sheasa-
dar so; agus a nuáir do tógbhadh súas
íad, do thógbhadar so íad féin súas mar
an ccéadna; óir do bhí spiorad an bhea-
thuigh ionnta.
18 Ann sin dimthigh glóir an Tigh-
earna ó thairsigh an tighe, agus do
sheas ós cionn na Cherubínighe.
19 Agus do thógbhadar na Cherubí-
nigh súas a sciathain, agus do chúadar
súas ann mo radharcsa; an tan do chúa-
dar amach, do bhádar na roithleáin
láimh riu mar an ccéadna, & do sheas
gach áon ag dorus an gheata shoir do
thigh an Tighearna, agus do bhí glóir
Dé Israel ós a ccionn shúas.
20 Asé so an beathach do chonnairc
misi fáoi Dhía Israel láimh ré sruth
Chebar, agus do bhí a fhios agam gur
biad sin na Cherubínigh.
21 Do bhàdar ceithre haighthe ag
gach áon fa leith, agus ceithre sciathain
ag gach áon, agus do bhí cosamhlacht
láimhe duine faói ná sciathánuibh.
22 Agus do bé cosamhlacht a naigh-
the na haighthe chéadna do chonnairc
misi ag sruth Chebar, a ttaisbéanadh
agus íad féin: do chuaidh gach fear
aca air a aghaidh go díreach.

CAIB. XI.

Bheir Día do iarsma Israel croidhe nua a nait an chroidhe chlochach; 22 gidh fág glóir Dé Jerusalem sa nam.

TUilleamh oile, do thóig an spiorad
misi súas, agus thug sé mé go nuige
an geata shoir do thigh an Tighearna
noch fhéuchus soir: agus Féuch, ag
dorus an gheata cúigear ar fhichid
fear, a measc a bhfaca mé Iaazaniah
mhac Asur, agus Pelatiah mhac Benaiah,
prionnsadha an phobail.
2 Annsin a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, a síad so na daóine cheapas
a nurchóid, agus do bheir drochchomh-
airle don chathruighsi.
3 Noch a deir, Ni bhfuil sé a ngar,
déanam tighthe: isi an chathairsi an
coire, agus a sinne a nfeóil.
4 Ar a nadhbharsin tairrghir na na-
ghaidh, tairrghir, a mhic an duine.
5 Agus do thuit spiorad an Tigh-
earna orumsa, agus a dubhairt riom, La-
bhair, is marso a deir an Tighearna,
Is marso a dubhrabhairsi, a thigh Israel:
óir is aithnid dhamhsa na neithe thig
ann bhur meanmuin, gach uile ní dhíobh.
6 Do mhéaduigheabhair bhur marbh
annsa chathruighse, agus do líonabhair
a sraide lé marbhuibh.
7 Uimesin is marso a deir an Tighear-
na Día, Bhur mairbh noch do leag-
abhair iona lár is íadsin a nfeóil, agus
isi an chathairsi an coire: acht do
bhéara misi thusa amach as a lár.
8 Do bhí eagla an chloidhimh oruibh,
agus do bhéara misi cloidheamh oruibh,
a deir an Tighearna Día.
9 Agus do bhéarad amach as a lár
sibh, agus seachoduigh mé a láimh choi-
mhthigheach sibh, agus do bhéara
mé

mé breatha ann bhur measg.
10 Tuitfidhe leis an ccloidheamh, do
bhéara mé breitheamhnus oruibh a
mbruach Israel, agus biáidh a fhios ag-
uibh gur misi an Tighearna.
11 Ni budh í an chathairsi bhur noi-
gheansa, ní mó bhus sibhsi a nfeòil iona
lár, acht do dhéana misi breitheamhnus
oruibh a mbruach Israel.
12 Agus biáidh a fhios aguibh gur mi-
si an Tighearna: óir níor shiubhluighea-
bhair ann mo reachtaibh, ní mó do rin-
neabhair mo bhreitheamhnuis, acht do
rinneabhair do reir bhéus ná ngeinteadh
atá sa ccuáirt bhur ttimchioll.
13 Agus tárla, an tan do thairrghir
mé, gur éug Pelatiah mhac Benaiah:
annsin do thuit mé síos ar maghaidh, &
do éigh mé lé guth árd & a dubhairt, Ah
a Thighearna Día, an ccuirfidh tú deir-
eadh iomlán le fuighioll Israel?
14 A ris thàinic focal an Tighearna
chugam, ag rádh,
15 A mhic an duine, a síad do dhear-
bhráithre, do dhearbhraithre, fir do
ghaoidh, agus do thigh Israel uile go
hiomlán, ré a ndubhairt áitreabhthuigh
Ierusalem, Imthighidh a bhfad ón Ttigh-
earna: is dúinne tugadh an dúthaighsi
a seilbh.
16 Uimesin abair, Is marso a deir an
Tighearna Día, máta gur theilg mé a
bhfad uáim íad a measc na ngeinteadh,
& biodh gur spréigh mé íad a measc na
ttíordhach, gidheadh biáidh mé dhóibh
mar shanctóir bhig annsa tír iona rachaid.
17 Uimesin abair, is marso a deir an
Tighearna Día, Cruinneocha mé sibh
as measc na puibleachuibh, agus cuirfe mé
a cceann a chéile sibh annsna tíorthaibh
ann ar spréigheadh sibh, agus do bhéara
mé fearann Israel díbh.
18 Agus tiucfuid síad ann sin, & áth-
chuirfid a huile neithe adhfhúathmhara,
agus a gráineamhlachda uile aiste.
19 Agus do bhéara mé áon chroidhe
amháin dóibh, & cuirfidh mé spiorad
nuadh ionnuibh a stigh; & beansa mé
an croidhe clochach as a bhfeoil, agus
do bhéara mé croidhe féola dhóibh:
20 Chor go siubholuid síad ann mo
reachtaibh, & go ccoimhéadfuid mór-
aighthe, & go ndéanuid iad, & béid na
bpobal agamsa, & budh misi a Ndíasan.
21 Acht a ttáobh na druinge a siubh-
luighionn a ccroidhe do réir chroidhe a
neitheann nadhfhúathmhar, & a ngráin-
eamhlacht; coireocha misi a slighe air a
cceannuibh féin, a deir an Tighearna
Día.
22 Annsin do thógbhadar na Cheru-
binigh súas a sciatháin, & na roithleáin
ré na ttáobh, agus do bhí glóir Dé
Israel ós a ccionn shúas.
23 Agus do chuáidh glóir an Tighear-
na súas ó lar na caithreach, & do sheas
sí ar a tsliabh, noch atá air an ttaóibh
shoir don chathruigh.
24 Na dhiáighsin, do thóig an spio-
rad misi súas, agus rug mé a bhfis
maille re spiorad Dé go Caldea go
lucht na daóirsine: marsin do chuaidh
a nfis do chonnairc mé, súas uáim.
25 Annsin do labhair mé rè muintir
na daóirsine, na nuile neithe dhar
thaisbéin an Tighearna dhamh.

CAIB. XII.

Atá áthrughadh Jeremiah, na chomhartha ar bhraighdionas Israel.

THáinic briathar an Tighearna mar an
ccéadna chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, aitreabhthuigh tú
a lár thighe easurramuigh, agá bhfuilid
súile dfaicsin, agus nach bhfaicionn,
atáid cluasa aca déisdeacht, agus ní
chluinid síad: oir is tigh easumhal íad.
3 Uimesin, a mhic an duine, gléus
soithighe chum áthruighthe, & áthruigh
annsa ló inna radharcsan, agus áth-
rocha tú ód áit féin go háit oile
iona radharc: do bféidir go measfai-
dis, bíodh go bhfuilid na ttigh easumhal.
4 Annsin do bhéara tú amach do
shoithigh ó ló iona radharc, amhuil soi-
thighe chum áthruighthe, agus racha tú
amach um nóin iona radharc, amhuil
an drong noch théid amach a mbraigh-
dionas.
5 Tochuil thusa thríd an mballa iona
radharc, agus beir amach annsin.
6 Ann a radharcsan bhearas tú leachd
é air do ghuaillibh, agus iomchóra tú
amach é annsa tráthnóna; foileocha tú
haghaidh, chor nach bhfaicse tú an ta-
lamh, óir do chuir misi mar chomhartha
do thigh Israel thú.
7 Agus do rinne misi mar do
haithnígheadh dhíom; thug mé amach
ma shoithighe san ló amhuil soithighe
áthruighthe, agus tráthnóna do thochail
mé thríd an mballa lem láimh; thug
mé amach é annsa dorchadus, agus
diomchras ar mo ghúaluinn é iona ra-
dharcsan.
8 Agus ar maidin tháinic briathar an
Tighearna chugam, ag rádh,
9 A mhic an duine, nach dubhairt
tigh Israel, an tigh easumhal riotsa,
Cred do ní tú?
10 Abair ríu, Bainidh an tairrghirsi
don phrionnsa féin atá a Nierusalem, &
do thigh Israel uile atá annsin.
11 Abair, Is misi bhur ccomhartha:
amhuil mar do rinne misi, is marsin do
dhéantar ríusan, áthrochuid síad san, agus
rachfuid a mbraighdionas.
12 Agus an prionnsa atá iona measc,
iomchoruigh sé air a ghúaluinn ann-
sa dorchadus, agus rachfuidh sé amach;
toicheoluid síad thríd an mballa do
bhreith thríd amach: foileocha sé a a-
ghaidh, chor nach bhfaicse sé an talamh
lé na shúilibh.
13 Leathnochadsa fós mo líon air,
& géabhthar ann mo dhul é; agus do
bhéarad don Bhabilóin é, go crích na

Cealdéanach: thairis sin ní fhaicfidh sé
é, bíodh go bhfuighe sé bás annsin.
14 Agus scaóilfe mé leath re gach aon
ghaoith a nuile dhuine dhá bhfuil ná
thimchioll do chongnamh leis, agus a
shlúagh uile, agus tairreonga mé an
cloidheamh amach na ndiáigh.
15 Agus aitheonuid síad gur mé an
Tighearna an tan spréighfios mé íad a
measc na ngeinteadh, agus sgaóilfios mé
íad idir na tíorthaibh.
16 Acht fuigfidh mé beagán do dhaói-
nibh aca ón ccloidheamh, ón ngorta,
agus ón bpláigh, chor go bhfoillseochuid
a nuile ghráineamhlacht a measc na
ccineadhach mar a ttiucfuid síad, agus
aitheonuid gur misi an Tighearna.
17 Tuilleamh oile, tháinic bríathar
an Tighearna chugamsa, ag rádh,
18 A mhic an duine, ith harán lé
crioth, agus ibh huisge lé creathaibh,
agus lé cúram.
19 Agus abair ré pobal na tíre, Is mar
so a deir an Tighearna Día a ttaobh
áitreabhthach Jerusalem agus tíre Israel,
Iosaid a narán lé cúram, agus iobhuid
a nuisce ré húathbhás, chor go mbía
an dúthaigh na fásach ó gach a bhfuil
innte, do bhrígh foiréigin na druinge
áitreabhus innte.
20 Agus fúicfighear folamh na caith-
reacha atá áitreabhtha, agus biáidh an
fearann fásuighthe, agus biáidh a fhios
aguibh gur misi an Tighearna.
21 Agus tháinic bríathar an Tighear-
na chugamsa, ag rádh,
22 A mhic an duine, cred an sean-
fhocalsin atá aguibh a ttír Israel, ag
rádh, Do faduigheadh na láethe, agus
fáillighidh a nuile fhis?
23 Innis dóibh ar a nadhbharsin, Is
marso a deir an Tighearna Día, Do bhéa-
ra misi air an seanrádh so scur, agus
ní bhiáidh aca ni sa mhó mar sheanfho-
cal a Nisrael: acht abair ríu, Atáid na
láethe do lathair, agus bríathar gach
uile fhise.
24 Oir ní bhiáidh fís ar bioth díomh-
aóin ni sa mhó, nó tairrghire spleadhach
a stigh a ttigh Israel.
25 Oir is misi an Tighearna: lai-
bheora mé, agus tiucfuidh an focal
laibheorus mé a ccrích: ní bhiáidh
cáirde ní sa mhó air; óir ann bhur
láethibhsi, a thigh easumhal, a déara
misi an focal, agus cóimhlionfa mé é,
a deir an Tighearna Día.
26 A rís tháinic bríathar an Tigh-
earna chugam, ag rádh,
27 A mhic an duine, Féuch, a deirid
muintir thighe Israel, Atá a nfis do chídh
sé ré teacht, mórán láetheadh uainn
sós, agus tairrghiridh sé air na haim-
searuibh atá a bhfad uainn.
28 Uimesin abair ríu, Is marso a deir
an Tighearna Día; Ní cuirfighear cáirde
ar aonchuid dom bhriathruibhsi ní sa
mhó, acht do dhéantar an focal do
labhair mé, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XIII.

Indbeargadh na bhfáigheadh bréugach.

AGus tháinic bríathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, Tairngir a
naghuidh fhágh Israel, noch thairrngi-
rios, agus abairsi ris a ndroing thairr-
ghirios as a ccroidhthibh féin, Eisdigh
bríathar an Tighearna.
3 Is marso a deir an Tighearna Día;
A mhairg do na fáighibh leamha, lean-
as a spiorad féin, agus nach bhfacaidh
aoinni.
4 O a Israel, is cosmhuil th'fháighe ré
sionnchaibh annsna díothramh.
5 Ni dheachabhair súas annsna bear-
nuibh, ni mó do rinneabhair súas an fál
do thigh Israel, do sheasamh annsa chath
a ló an Tighearna.
6 Do chonncadar díomhaóineas, agus
tairrghire bhréagach, ag rádh; A deir
an Tighearna, agus ní hé an Tighearna
do chuir uadha íad: agus thugadar ar
dhaóinibh oile dóthchusíghadh go
ndaingneochaidís an focal.
7 Nach bhfacabhair fís díomhaóin,
& nach ar labhrabhair tairrghire bhréa-
gach, an tionad a nabarthaói, A deir
an Tighearna é, bíodh nar labhair mé?
8 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día, Do bhrígh gur labhrabhair
díomhaóineas, & go bhfacabhair bréag,
ar a nadhbharsin, féuchuidh, atáim a
bhur naghaidh, a deir an Tighearna Día.
9 Agus biáidh mo lámh air na fáighibh
do chí díomhaóineas, agus chamas bréa-
ga: ni bhéid síad a noireachtas mo pho-
bail, ni mó scríobhthar íad a sgríbhinn
thighe Israel, ni mó rachuid síad a
steach a ndúthaigh Israel, agus aithneo-
taói gur misi an Tighearna Día.
10 Do bhrígh, agus do bhrígh go
thairrngeabhair mo dhaóine as an tslighe
ag rádh, Siothcháin, agus nach raibh
síothcháin ar bith: agus do chuir dream
balla súas, agus féuch do dhóibealadar
daóine oile é lé moirtéul gan fúa-
thadh.
11 Abair ris an muintir dhóibealas
é lé moirtéul gan tsúathadh, go ttuitfidh
sé: biáidh tuile cheatha, agus tuitfidh
sibhse, A chlocha móra cloichshneachda,
agus brisfidh gáoth stoirmeamhuil é.
12 Féuch, an tan thuitfios an balla,
nach aibeorthar ribhsi, Cáit a bhfuil an
dóib ler dhóibealadar é?
13 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día, réubfa mé é fós lé gaóith
stoirmeamhuil ann mo dhibhfheirg;
agus biáidh tuile cheatha ann mo fheirg,
agus clocha móra cloichshneachda ann
mo cheannairg dá aidhmhilleadh.
14 Marsin bhrisfios mé síos an balla
do dhóibealadar lé moirtéul gan tsúa-
thadh, agus do bhéara mé síos go
talamh é, iondus go bhfoillsighfear a
bhunáite, agus tuitfidh sé, agus [illegible]

[illegible] ſibhſi iona lár: agus aitheon-
[illegible] gur miſi an Tighearna.
15 Marſo choimhlíonfas mé mfearg
[illegible] mballa, agus air an lucht do
[illegible] é lé moirtéul gan tſúathadh,
[illegible] a déarad ribh; Ní bhiáidh an
[illegible] ann ní ſa mhó, nó an drong do
[illegible] é.
16 Tairrghiridh ſáighe Iſrael a ttaobh
[illegible], agus do chíd aiſlinge ſioth-
[illegible] dhi, agus gan ſiothcháin ar bioth
[illegible], a deir an Tighearna Día.
17 Mar a ccéadna, thuſa a mhic
an duine, cuir haghaidh a naghaidh
[illegible] do phobail, noch thairrghirios
[illegible] a ccroidhe féin, agus tairrghirſi na
[illegible],
18 Agus abair, Is marſo a deir an
Tighearna Día, A mbairg do na[mnáibh]
[illegible] cluaſcháin ar na huile uil-
[illegible], & do ní ciarſúir air cheann
[illegible] aóin ſtátuir, dfiadhach anmann:
[illegible] mbeithí ag fiadhach anmann mo
[illegible], & an ccuimhdeochthaói béo
[illegible] na druinge thig chugaibh!
19 Agus an truáilleochthaói miſi a
[illegible] mo phobail féin air dhornánuibh
[illegible], agus air chotchaibh aráin, do
[illegible] na nanmann nach éugfadh,
& do chumhdach na nanmman mbéo
[illegible] mairſeadh, le bhur ndéanamh bréag
[illegible] mhuintirſi, noch chluinios bhur
[illegible].
20 Uimeſin, is marſo a deir an Ti-
[illegible] Día, Féuch atáimſi a naghaidh
[illegible] leis a ndéantaói fiadhach
[illegible] ar na hanmmanuibh, dá ccur a
[illegible], agus briſfe mé ó bhur naſ-
[illegible] iad, agus léigfe mé na han-
[illegible] dimtheacht, eadhon na hanman-
[illegible] a mbeithiſe ag fiadhach dá ccur
[illegible].
21 Briſfe mé bhur cciarſúiridhe mar
[illegible], agus ſáorfa mé mo dhaói-
[illegible] as bhur láimhſi, agus ní bhéid ní
[illegible] ann bhur láimh dá bhfiadhach;
[illegible] aitheontaói gur miſi an Tighearna.
22 Do bhrigh go ndéarnabhair croidhe
[illegible] dubhach lé bréagaibh, nach
[illegible] miſi dubhach; agus gur neartui-
[illegible] lámha an chiontuigh, go nach
[illegible] lé ó na dhroichſhlighe, lé
[illegible] a anma dhó:
23 Uimeſin ni fhaicfidhe díomhaói-
[illegible] ní ſa mhó, agus ní dhéantaói ſái-
[illegible]; óir tairthocha miſi mo phobal as
[illegible] láimh, agus aitheontaói gur miſi
an Tighearna.

CAIB. XIV.

[illegible] tairrghir an fháigh bhréugaidh a [illegible] do dhuine [illegible] doth-ſmachduighe, do [illegible] a ccionta.

ANſin thangadar dream do ſhinn-
ſearuibh Iſrael chugam, agus do
[illegible] as mo choinne.
2 Agus tháinic briathar an Tighearna
chugam, ag rádh,
3 A mhic an duine, do chuireadar an
mhuintir ſo a niodhal ſúas iona ccroidhe,
agus do chuireadar ceap tuiſligh a neig-
ceart as coinne a naighthe: a niarr-
fuighear miſi air aonchor!
4 Uimeſin, labhair ríu, & abair ríu,
Is marſo a deir an Tighearna Día, Gach
uile dhuine do thigh Iſrael chuirios ſúas
iodhala iona chroidhe, & chuirios ceap
tuiſligh a éigceirt as coinne a aighthe,
agus thig chum a nfáigh, freagora miſi
an Tighearna é do réir iomadamhlachd
a iodhal,
5 Chor go ngabha mé tigh Iſrael iona
ccroidhe féin, do bhrígh go bhfuilid uile
coimhightheach dhamh do bhrigh a
niodhal.
6 Uimeſin abair ré tigh Iſrael, Is
marſo a deir an Tighearna Día, Déan-
uigh aithrighe, & iompóighidh ſibh féin ó
bhur niodhaluibh, & fillidh bhur naigh-
the ó bhur uile ghráineamhlachtaibh.
7 Oír gach uile dhuine do thigh Iſra-
el, nó don choimhthigheach bhios ar
cuairt ann Iſrael, noch dhealuigheas é féin
ó bheith am dhiáighſi, agus chuirios a
iodhala ſúas iona chroidhe, agus chuirios
an ceap tuiſligh a éicceart as coinne
a aighthe, & thiucfas a ccionn fáighe do
cheaſnughadh ris dom thaobhſa; miſi
an Tighearna freagorad é maille ríom
féin.
8 Agus ſuigheocha mé maghaidh a na-
ghaidh an duine ſin, & do dhéana mé
comhartha & ſeanfhocal de, & gearrfa
mé amach as lár mo dhaóine é: agus
aitheontaói gur miſi an Tighearna.
9 Agus má bhionn an fáigh meallta
an tan laibheora ſé an ní, is miſi an Ti-
ghearna do mheall an fáigh ſin, agus
ſínſe mé mo lámh amach air, & ſcriosfa
mé é as lár mo phobail Iſrael.
10 Agus iomchóruid ſiad pionós a
néigceart: budh ionann pionós a nfáigh,
agus pionós an tí iarrus air:
11 Iondus nach rachaidh tigh Iſrael
ní ſa mhó ar ſeachrán uáimſi, nach mó
bhéid ſiad ní as mó ar na ttruáilleadh le
na ſáruighthibhſin uile; acht go bhféad-
fuid bheith na bpobal agamſa, agus go
mbia miſi am Dhia acaſan, a deir an
Tighearna Día.
12 Tháinic briathar an Tighearna
chugamſa a rís, ag rádh,
13 A mhic an duine, an tan pheaco-
chas an dúthaigh am aghaidhſi le cion-
tughadh go hanmhór, annſin ſínfidh
mé mo lámh amach air, agus briſfidh
mé maide a naráin, agus cuirfidh mé
gorta air, agus gearrfa mé amach an
duine agus an beathach úadha:
14 Da mbeith go mbeidis an triúr
fearſo ann, Noah, Daniel, agus Iób,
ní ſháorſaidis achd a nanmanna féin
lé na bhfíreantacht, a deir an Tigh-
earna Dia.
15 Má bheirim air bheathaighibh ur-
chóideacha dul thríd an dúthaigh, & go
milſid ſiad í, iondus go mbia ſí na dio-
thramh,

thramh, iondus nach féidir lé haóinneach
dul thrithe do bhrígh na mbeathach.
16 Dá mbeith go mbeidís an triur
fearso innte, fa mar mhairim, a deir
an Tighearna Día, ní shaorfuid síad
mic no ingheana; saorfuighear íad féin
amháin, acht biáidh an fearann na fhás-
ach.
17 Nó má bheirim cloidheamh air an
ndúthaighsin, agus a rádh, A chloidhimh
imthigh thríd an ttír, iondus go ngéarrsa
mé an duine agus an beathach úadha:
18 Da mbeith go mbeidís an triur
fearso innte, fa mar mhairim, a deir an
Tighearna Día, ní shaorfuid síad mic
nó ingheana, acht saorfuighear íad
féin amháin.
19 Nó má chuirim pláigh annsa bhfea-
rannsin, agus go ndóirtfidh mé mfearg
a bhfuil amach air, do ghearradh duine
agus bheathuighe úadha:
20 Bíodh go mbeith Noah, Daniel, &
Jób annsin, fa mar mhairim, a deir an
Tighearna Día, ní shaorfuid síad mac
nó inghean: ní shaorfuid síad acht a
nanmanna féin le na bhfíréantacht.
21 Oir is marso a deir an Tighearna
Día, Cá mhéad ní sa mhó na sin an tan
chuirfios mé mo cheithre breitheamhnuis
nimhneacha air Jerusalem; an cloidh-
eamh, an ghorta, an beathach urchóid-
each, agus an phláigh, do ghearradh
duine agus beathuigh úadha amach?
22 Thairis sin, féuch, fúigfighear fui-
ghioll annsin, noch do bhéartar amach,
mic agus ingheana: agus féuch, tiucfuid
síad amach chugaibh, agus do chífidhe
a slighe, agus a ngníomha; agus do
gheabhthaói comhfhurtacht a ttaobh a
nuilc thug misi air Ierusalem, eadhon a
ttaobh a nuile ní dá ttug mé uirre.
23 Agus comhfhurtachtfuid sibhsi an
tan do chídhfidhe a slighthe, agus a
ngníomha, agus aitheontaói nach gan
adhbhar do rinne mé a nuile ní dá ndéar-
nas ann, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XV.

Bhádar na Hiuduighe gan fhoghna, mar bheangan chrann fhíneamhna.

AGus tháinic briathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, cred é an crann
fíneamhna tar chrann ar bith oile, bean-
gán dá bhfuil a measc chrann na foraóisi?
3 An mbeantar adhmad de sin do
dhéanamh oibre ar bith, nó an mbean-
fuid daóine tairnge dhe do chrochadh
soithigh ar bith air?
4 Féuch, teilgthear annsa teine é mar
chonnadh: loiscidh an teine a dhá
cheann, agus loisgthear a lár: an
bhfoghnann sé chum oibre?
5 Féuch, an tan do bí sé iomlán
níor fhoghuin sé dobair ar bith: ca
lúgha ná sin fhoghnas sé dobair ar
bith a nuair chnaóidhios an teine é,
agus bhíos sé loisge?
6 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día; Mar atá crann na fíneamhna
a measc chrann na foraóise, noch thug
misi don teine mar chonnadh, marsin
do bhéara mé aitreabhtacha Jerusalem.
7 Agus suigheocha mé maghaidh na
naghaidh; rachaid síad amach ó
theine, & sluicfidh teine oile íad: agus
aitheontaóise gur misi an Tighearna, a
nuáir chuirfios mé maghaidh na naghaidh.
8 Agus do dhéana mé an dúthaigh
áonránach, do bhrígh go ndearnadar
sarughadh, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XVI.

Dioghaltas Dé ar na Hiuduighibh, ar son a ndearmad & a ndiombuchas, tareis an mhor-mhuirne a rabhadar aige.

THáinic focal an Tighearna a rís
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, tabhair ar Ieru-
salem a gráineamhlachta daithniughadh.
3 Agus abair, Is marso a deir an
Tighearna Día re Hierusalem; Is ó
thír Chanaan do bhreith, agus do dhúth-
chus, do budh Amoríteach hathair, &
Hitíteach do mhathair.
4 Agus ar son do dhúthchuis an
ló a rugadh thú, níor gearradh himle-
cán, ní mó do nigheadh thú a nuisge dot
mháothughadh: níor sailleadh thú ar
aónchor, ní mó do ceangladh thú ar
aonchor.
5 Ní dhéarna súil ar bioth truaighe
dhuit, do dhéanamh aóinneithe díobhso
dhuit, ag déanamh trócaire ort; acht
do teilgeadh amach thú annsa machaire
fhoscuilte, do ghráin ar hanam an
ló a rugadh thú.
6 Agus an tan do ghabh mé láimh
riot, agus do chonnairc mé salach thú
ann thfuil féin, a dubhairt mé riot,
Ann thfuil féin Mair: fós a dubhairt
mé riot, Ann thfuil féin mair.
7 Thug mé ort fhoirlíonadh mar
ghineamhuin an mhagha, & do mhéa-
duigh tú, & dfás tú mór, & tháinic tú
chum culaidheach oirdhearca: do cum-
adh do chíche, agus dfás do ghruag, i
náit a raibh tú tárnocht agus lom.
8 Anois an tan do ghabh mé láimh
riot, agus damhairc mé, Féuch, do bí
haimsir aimsir ghrádha, agus do leath-
nuigh mé mo sciorta thort, & dfolaigh
mé do thárnochtuigh: fós thug mé
mionna dhuit, & do chuáidh mé a
ccunnradh riot, a deir an Tighearna
Día, agus do budh liomsa thú.
9 Annsin do nigh mé thú le huisge,
do nigh mé fós thfuil uait go hiomlán,
agus dungaidh mé lé hola thú.
10 Déaduigh mé thú fós le hobair
bhróidneireachta, agus do chuir mé bró-
ga do chroicionn bruic ort, agus do
chriosluigh mé thú fá ccuáirt lé líne-
dach, agus dfoluigh mé thú lé síoda.
11 Do sgíamhuigh mé thú mar an
ccéadna

eadan lé culadhuibh, agus do chuir mé
failgeadh air do lámhuibh, & ſlabhradh
fa bhrághaid.
12 Agus do chuir mé ſéud oirdheirc
ad héadan, agus clúasfháinneadha ann
ad chlúaſaibh, agus coròin bhréagha
air do cheann.
13 Marſo do hóirneadh thú lé hór
agus lé hairgiod, agus do bhí héadach
do lion mhín & do ſhíoda agus dobair
bhróidneireachda: a duaigh tú plùr
mín, agus mil, agus olá: agus do
bhí tú ro ſgiamhach, agus rainic tú
chum ad ríoghacht.
14 Agus do chuáidh do chlú amach
i measg na ngeinteadh air do ſgéimh:
óir do bhí ſé iomlán tré mo ſgéimhſi,
noch do chuir mé ort, a deir an
Tighearna Dia.
15 Acht do dhóthchuſaigh tú ann do
ſgéimh féin, & do rinne tú meirdrea-
chus do bhrígh do mhórchlú,& do dhóirt
tú amach do dhrúis ar gach áon dar
ghabh red thaoibh; do budh leis ſin é.
16 Agus do ghlac tú dot chuladhuibh,
& do chóirigh tú háite árda lé dathaibh
iomdha, & do rinne tù meirdreachus
orra: ní thiucfa a leitheidſin do neithibh,
& ní bhias marſin.
17 Do ghlac tú fós do ſheóid
ſgiamhadha dom órſa, agus dom airgiod,
noch thug mé dhuit, agus do rinne tú
duit íomháighe daóine, agus do rinne
tú ſtríopachus ríu.
18 Agus do ghlac tú héadach bróid-
neireachda, agus dſoluigh tú íad: agus
do ſhuighidh tú mo olaſa, agus mo
thúis ós a ccoinne.
19 Mo bhíadh mar an ccéadna thug
mé dhuit, plùr mín agus ola, agus
mil leir bheathaigh mé thú, do ſhuighidh
tú iona bhfiadhnuiſi é mar bholadh
cumhra: agus is marſo do bhí, a
deir an Tighearna Día.
20 Tuilleamh fós, do ghlac tú do
mhic, & hingheana rug tú dhamhſa, &
iodhbhair tú iadſo dhóibh dá ſlugadh:
an cúis bheag ſo dot ſtríopachaſuibh,
21 Gur mharbh tú mo chlann, agus
gur ſheachuid tú íad do ghabháil
tríd an tteine ar a ſonſan?
22 Agus níor chuimhnigh tú láethe
d'óige ann do uile ghráineamhlachtaibh,
agus ſtríopachaſaibh, an tan do bhí
tú tírnocht agus lom, agus do bhí
tú ar do thruáilledh an thfuil.
23 Agus tárla a ndiáigh huile olc
(a mhairg, a mhairg dhuit, a deir an
Tighearna Día,)
24 Gur chuir tú fós ſúas duit féin
áit oirdheirc, agus go ndéarna tú áit
árd dhuit ann gach aon tſráid.
25 Do chuir tú ſúas háit árd air
gach aóin cheann don tſlighe, agus
thug tú fa deara do ſgíamh dfúathu-
ghadh, agus dfoſcail tú do choſa do
gach aon dar ghabh thort, agus do
mhéaduigh tú do ſtríopachus.
26 Do rinne tú fós drúis ris na Hé-
giptibh do chomharſana, atá mór a
bhfeóil, & do mhéaduigh tú do ſtríopa-
chus dom bhroſtughadhſa chum feirge.
27 Féuch uimeſin do ſhín mé mo
lámh amach ós do chionn, agus do
laghduigh mé do bhiadh laetheamhuil,
& thug mé thú ar thoil na ndaóine dſua-
thaigh thu, ingheana na Bhphiliſtíneach,
air a bhfuil náire fad ſhlighe úallaigh.
28 Do rinne tú mar an ccéadna
ſtríopachus ris na Haſíirianachaibh do
bhrígh go raibh tú dóriartha: do
rinne tú fós meirdreachus ríu, agus fós
níor bhféidir do ſháſadh.
29 Do mhéaduigh tú fós do dhrúis a
ttír Chanaan gus an Gcaldei, agus
ris ſo fós ní raibh tú ſáſta.
30 Cred laige do chroidhe, a deir
an Tighearna Día, ó ní tú na neitheſo
uile, obair mhná ſtríopuigh thighear-
namhuil.
31 An tionad a ndéan tú háit oir-
dheirc a ccionn gach ſligheadh, agus
go ndéan tú háit árd ann gach áon
tſráid, agus nach raibh tú amhuil
meirdreach, iondus go ttarcuiſnighionn
tú tuaruſtal;
32 Acht mar mhnaói do ní adhal-
trannas, noch ghlacus coimhthighidh a
náit a fir féin.
33 Do bheirid bronta do na huile
ſtríopachaibh, acht do bheir tuſa do
thiodhlaicthe dot háos grádha uile,
agus foſtuighidh tú iad, chor go ttiuc-
faidhis ort gach uile thaóbh ar
ſon do ſtríopachuis.
34 Agus ata contrardhachd ionnadſa
ó mhnáibh oile ann do ſtríopachus,
an tionad nach leanan aóinneach
dhiot do dhéanamh ſtríopachuis, agus
an tionad a ttug tú luáigheacht uáit, &
nach ttugthar luáigheacht ar bith
dhuit: uimeſin atá tú contrardha.
35 Uimeſin a mheirdreach, éiſt
bríathar an Tighearna.
36 Is marſo a deir an Tighearna
Día, do bhrígh gur dóirteadh do
ſhalchar amach, & gur foillſigheadh do
thárnochtuighthe do bhrígh do ſtríopa-
chuis led háos grádha, & re huile
iodhaluibh do ghráineamhlachda, & le
fuil do chloinne noch thug tú dhóibhſion;
37 Féuch uimeſin, cruinneocha miſi
huile áoſgrádha iona bhfuáir tú ſolás,
agus gach ar ghrádhuigh tú, maille
ris an ndroing dá ttugais fúath,
eadhon cruinneocha mé ad thimchioll
fa ccuairt íad ad aghaidh, agus taiſ-
beanfa mé do thárnochtuigh dhóibh, lé
bhfaicfid do thárnochtuighe uile.
38 Agus do bhéara mé breitheamhnus
ort mar bhéarthar breath ar mhnáibh
bhriſios cuing phóſta, agus dhóirteas
fuil, agus do bhéara mé fuil dhuit a
bhfeirg agus a néud.
39 Agus fós do bhéara mé thuſa
iona láimh, agus teilgfid ſíad ſíos
háit-

háit oirdheirc, agus ⁊ brisfid siad sios
háite árda: nochtfuid siad thú fós
as héadach, agus béaruid leó do
sheóid, agus fuigfid tárnochtuigh agus
lom thú.
40 Bhéaruid fós cuideachta súas ad
adhaigh, agus clochfuid thú lé clo-
chaibh agus saithfid thríod le na ccloi-
dhmhthe.
41 Agus loisgfid siad do thigh le
teine, agus bhéaruid siad breath ort
a radharc mhóráin ban: agus do
bhéara misi ort sgur do dhéanamh
meirdreachuis, & ní thiubhra coibhthe
uáit ní is mhó.
42 Marsin do bhéara mé air mo
dhibhfheirg ad aghaidh ciúnughadh, &
imeochuidh méud uait, agus biáidh mé
suaimhneach, agus ní bhiáidh fearg
orum ní sa mhó.
43 Do bhrígh nar chuimhnigh tusa
laéthe hóige, acht gur fhearguidh tú
misi annsna neithibhsi uile, feuch, ar
a nadhbharsin cúiteocha misi do shlighe
air do cheann, a deir an Tighearna
Día: agus ní dhéana tú an túallachus
so, tar huile ghráineamhlachtaibh.
44 Feuch, a nuile dhuine dá ngná-
thughionn seanráidhte, a déaruigh sé an
seanfhocalso ad aghaidhsi, ag rádh, Mar
bhíos an mháthair, is marsin bhíos a
hinghean.
45 Is tusa inghean do mhathar,
noch fhúathuighios a fear agus a clann,
agus is tú deirbhshíur do dheirbh-
sheathrach do fhúathuigh a bhfir agus
a cclann: do budh Hititeach bhur ma-
thair, agus bhur nathair na Amoríteach.
46 Agus isi Samária an deirbh-
shiúr as sine agad, í féin agus a
hingheana noch áitreabhus ar do láimh
chlé: agus do dheirbhshíur is óige
noch áitreabhus ar do láimh dheis, isi
Sodom agus a hingheana.
47 Gidheadh ⁊níor imthigh tusa do
réir a slightheachsan, ní mó do rinne tú
réir a ngráineamhlachda: acht mar
budh ro bheag sin, do truáilleadh thú
ní as mó na iadsan ann huile shligh-
thibh.
48 Fa mar mhairim, a deir an Ti-
ghearna Día, ní dhéarna Sodom do
dheirbhshíur, í féin nó a hingheana, mar
do rinne tusa, thú féin agus hingheana.
49 Féuch, do bé so éigceart do
dheirbhsheathar Sodom, uabhar, líon-
mhaireacht aráin, agus iomad díomhaói-
nis, do bhí innte féin agus iona hin-
gheanuibh, ní mò do neartuigh sí lámh
an bhoicht nó an ríachtanuigh.
50 Agus do bhádar árdaigeantach,
agus do rinneadar gráineamhlachta am
fhiadhnuisise: uimesin rug mé liom
iad mar do chonnac dhamh.
51 Ní mó do rinne Samária leath
do pheacuidhesi: acht dfoirlíon tusa
do ghráineamhlachda ní sa mhò ná
iadsan, agus do rinne tú do dheirbh-
sheathracha ceart ann huile ghráineamh-
lachdaibh noch do rinne tú.
52 Thusa ⁊ fós rug breath air do
dheirbhsheathrachaibh, iomchair do
náire féin ar son do pheacaidh do rinne
tú ní as adhfhéathmhaire ná iadsan:
is ro ionnraca iad ná thusa: aimh,
náirighthear thusa fós, agus iomchair
do náire, do bhrígh gur fhíreanuigh
tú do dheirbhsheathracha.
53 An tan do bhéaras misi ar ais a
rís a mbraighdionas, braighdionas
Shodom agus a hinghean, agus braigh-
dionas Shamária agus a hinghean, ann
sin do bhéara mé liom a rís braighdionas
do bhráighadsa iona lár.
54 Iondus go niomchóra tú do
náire féin, agus go cclaóidhtear thú
annsa nuile ní dá ndéarna tú, ann
tionad a bhfuil tú ad chobhartach aca.
55 An tan fhillfios do dheirbhshea-
thracha Sodom agus a hingheana dá
a ccéad staide, agus fhillfios Samária
agus a hingheana chum a ccéad staide,
annsin fillfidh tusa agus hingheana dá
bhur ccéad staide féin.
56 Oír níor luáigheadh do dheirbh-
shiur Sodom ann do bhéal a lá
huabhair.
57 Suil do foillsigheadh holc, amhail
a nam mhasla inghean na Siria, agus a
nuile dhuine dá bhfuil na timchioll
fa ccuáirt, ingheana na Philistí-
neach noch tharcuisnighios thusa tim-
chioll fa ccuairt;
58 Diomchuir tú húallachus agus
do ghráineamhlachta, a deir an Ti-
ghearna.
59 Oír is marso a deir an Tighearna
Día: Do dhéana mé go deimhin rit
mar do rinne tú, noch do tharcuisnigh
an mionna a mbriseadh an chunnartha.
60 Thairis sin cuimhneocha mé mo
chunnradh riotsa a láethibh hóige, agus
daingneocha mé cunnradh síorruidhe
riot.
61 Annsin cuimhneocha tú do shligh-
the, & biáidh náire ort, an tan ghlacfas
tú do dheirbhsheathracha chugad, do
[dheirbhshiur] is sine agus is óige: &
do bhéara mé dhuit iad mar inghea-
naibh, acht ní maille red chunnradh.
62 Agus daingneocha mé mo chunn-
radh riot, agus biáidh a fhios agad
gur misi an Tighearna.
63 Iondus go ccuimhneocha tú, agus
go mbía náire ort, agus nach
bhfoifceola tú do bhéul go brath ní as
mó do bhrígh do náire, an tan
bhías mé síothchánta riot, ar son a
nuile ní dá ndéarna tú, a deir an
Tighearna Día.

C A I B XVII.

Fa chosamhlacht dhá iolair ⁊ fhíneamhna, cialluightear ⁊slíughadh Jerusalem, agus taobhadh ris an Egipt.

Agus

AGus tháinic bríathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine cuir a mach ceist,
& labhair cosamhlacht ré tigh Israel.
3 Agus abair, Is marso a deir an
Tighearna Día, Tháinic iolar mór go
sciathánuibh móra, faidsciathánach, lán
do chlúmhach iona raibh datha
éagsamhla, go Lebanon, agus rug air
an mbeangán dob áirde don Sedar.
4 Do ghearr sé dhe bárr a bheangán
agus rug leis é go tír cheann-
ghachta, do shuighidh sé a ccathruigh
ceannuighe é.
5 Do ghlac sé fós do shíol na tíre,
agus do chuir sé a machaire thóirtheach
é, do shuigh sé é láimh ré huisceadhuibh
móra, agus do chuir sé é amhuil crann
saileach.
6 Agus dfás sé, agus tháinic sé
chum bheith na shíneamhuin leathain
ísil, ar shilleadar a geága leath
ris féin, & a rabhadar a fréamha faói:
mar sin dfás sé na shíneamhuin, agus
thug sé géaga uadh, agus do chuir
sé amach a mháothaín.
7 Agus do bhí fós iolar mór oile
ann, go sciathánuibh móra, agus móran
clúmhaigh, agus féuch do chláon a nfí-
neamhainsi a fréumha leath ris, agus
do chuir a géaga amach leath ris,
chor go bhfliucfadh sé í lé heitríghibh
a plandaighthe.
8 Do planndaigheadh í a bhfearann
maith láimh ré huisgeadhuibh móra,
chor go ngeinfeadh amach beangáin,
agus go ttiubhradh toradh, ionnus go
mbiadh sí na fíneamhuin mhaith.
9 Abairsi, Is marso a deir an Tighear-
na Día, An mbéara sí biseach? nach
tarronga sé a fréamha súas, agus
nach gearrfa sé amach a toradh, le
nach crionfa sí? críonfuidh sí ann uile
dhuille a gineamhna, eadhon gan neart
mór, nó mórán daóine dá tarruing a
níos as a fréamhuibh.
10 Agus féuch, ar na suidhiughadh
an mbéara sí biseach? nach ccríonfa
sí tríd amach an tan bheanfas an
ghaoth toir ría! críonfuidh sí annsna
hiomairibh ann ar fhás sí.
11 Tuilleamh oile, tháinic bríathar
an Tighearna chugamsa, ag rádh,
12 Abair anois ris an ttigh easu-
mhal, Nach feas díbhsi cred is cíall do
na neithibhsi! innis dóibh, féuch, thái-
nic Rígh na Babilóine go Hierusalem,
agus do ghabh sé a Rígh, agus a
phrionsadha, agus do thréoruidh sé
leis iad don Bhabilóin.
13 Agus do ghlac sé do shíol an
Rígh, & do rinne sé cunnradh ris, &
do bhean sé mionna dhe: do ghabh
sé fós cumhachtaighe na tíre:
14 Chor go mbiath an ríoghacht
uirísiol, iondus nach ttóigfeadh sí i féin
súas: acht go bhféadfadh sí seasamh
maille re comhall a cunnartha,
15 Acht do chathuigh sé 'iona
aghaidhsion ag cur a theachdadh don
Négipt, chor go ttugaidís eich, agus
mórán daóine dhó: an rachuidh go
maith dho! an rachuidh an té do ní
na neithesi as! nó an mbrisfidh sé an
cunradh, agus bheith saor!
16 Mar mhairim a deir an Tighearna
Día, go deimhin annsa náit a ccomhnui-
ghionn an Rígh do rinne Rígh dhe, ar
tharcuisnigh sé a mhionna, & ar bhris
sé a chunnradh, aigeston a lár ná Babi-
lóine éugfuidh sé.
17 Ní mó dhéanas Pharao ar a shon
le na shlúagh neartmhar, & le na chui-
deachtuin mhóir annsa chogadh le teil-
gion mótadh súas, & lé déanamh daing-
nidh, do mharbhadh móráin pearsann,
18 O tharcuisnigh sé na mionna, ag
briseadh an chunnartha (a nuáir feuch
thug sé a lámh úadha) & do rinne sé
na neithesi uile, ní rachaidh sé as!
19 Uimesin is marso a deir an Ti-
ghearna Día, mar mhairimsi go deimhin
coireocha mé air a cheann féin mo
mhionna do tharcuisnigh sé, agus mo
chunnradh do bhris sé.
20 Agus leathnocha mé mo líon air
& géabhthar ann mo phaintéur é, &
béara mé don Bhabilóin é, agus taigeara
mé ris annsin sa na sharughadh noch
do sháruigh sé am aghaidh.
21 Agus tuitfidh a theithmhigh uile, go
na shlúagh, leis an ccloidheamh, & scar-
fuighear ó chéile leath re gach uile
ghaóith an mhéid mhairfios díobh: &
aitheontaoi gur misi an Tighearna do
labhair é.
22 Is marso a deir an Tighearna
Día, Glacfa mé fós don ghéig is áirde
don Cédar árd, agus cuirfidh mé é,
agus gearrfa mé do bhárr a bhean-
gán óg, géug mháoth, & plainndeocha
mé í a sliabh árd oirdheirc:
23 Plainndeocha mé í a sliabh áirde
Israel, agus ginse sí géuga, agus do
bhéara sí toradh, agus biáidh na Céd-
ar bhreádha, agus áitreobhuidh na huile
éunlaith gach sciatháin faói: áitreo-
chuid siad air scáth a géug.
24 Agus aitheonuid crainn an mha-
chaire uile gur misi an Tighearna do
leag síos an crann árd, dárduigh an
crann ísiol; do chríon an crann glas,
agus thug air an ccrann ccríon blathu-
ghadh: misi an Tighearna do labhair
é, agus do rinne é.

C A I B. XVIII.

Gu bi ùalach a pheacaiah féin àmbáin, ar gach aonduine.

AGus tháinic bríathar an Tighearna
chugam a ris, ag rádh.
2 Cred is cíall díbh as a ngnáth-
uighthi an seanrádhso a ttaobh thíre
Israel, ag rádh, A duadar na haithre
cáora searbha, agus do cuireadh déi-
sision air fhiaclnibh na cloinne?

3 Mar mhairimsi, a deir an Tighear-
na Día, ní bhiáidh cúis agaibh an sean
fhocalso do ghnáthughadh a Nisrael.
4 Féuch, is liomsa a nuile anam, mar
anam a nathair marsin is liom anam an
mhic; éugfuidh an tanam pheacochus.
5 Acht má bhíonn duine ceart, agus
go ndéanuidh sé an ní is dlistionach
agus is ceart,
6 Agus nach duáigh sé ar na sléibh-
tibh, nach mó do thóg a shùile
súas chum iodhal thighe Israel, nach mó
do shaluidh bean a chomharsan, nach
mó tháinic láimh ré mnaói shola mios,
7 Agus nar choimhéignidh duine ar
bith, acht daisig don fheichtheamhnach
a gheall, nar chreach áonduine lé foirèi-
gion, thug arán do nocrach, agus
dfoluigh an tárnocht lé héadach,
8 An té nach ttug amach air úsúir-
eacht, nach mó do ghabh biseach ar bith,
do tharruing a lámh ó éigceart, do rinne
breitheamhnus ceart idir dhuine &
dhuine,
9 Do shiubhail ann mo reachtaibh se,
agus do choimhéad mo bhreitheamhnuis
do dhéanamh go firinneach: atá sé ceart,
mairfidh sé go deimhin, a deir an Ti-
ghearna Día.
10 Má ghineann sé mac bhías na
shladuighe, na dhóirteach fola, agus do
ni aóinní oile dá leitheid so.
11 Agus nach dean [an cheart] úd uile,
acht go nduáigh sé ar na sléibhtibh, &
gur thruáilligh sé bean a chomharsan,
12 Gur bhrúigh sé an bocht, agus an
riachtanach, gur shlad sé maille re
foiréigion, nar aisig sé a ngeall, agus
gur thóig sé a shúile súas chum na
niodhal, go ndéarna sé gráineamhlacht,
13 Go ttug sé amach air úsúireacht,
agus gur ghlac sé biseach: a maiseadh an
mairfidh sé? ní mhairfidh: do rinne
sé na gránachaso uile, éugfuidh sé go
deimhin, biáidh a fhuil air féin.
14 Anois féuch, má ghineann sé mac
noch do chídh uile pheacuidhe a
athar, noch do rinne sé, agus mheas-
fas, agus nach déan a leitheidsin,
15 Nach duáigh biadh ar na sléibh-
thibh, nach mó do thóg a shúile súas
chum iodhal thighe Israel, nar thruáill
bean a chomharsan,
16 Nach mó do sháruigh duine ar bith,
nar connaimh an geall, nach mó do
chreach le foiréigion, acht thug arán
don nocrach, agus dfoluigh an tárnochd
lé héadach,
17 Noch do thóg a lámh do na boch-
taibh, nar ghlac úsúireacht nó biseach, do
rinne mo bhreitheamhnusa, do shiubhail
ann mo reachtaibh; ní éugfa sé ar son
éigceart a athar, go deimhin mairfidh sé.
18 Ar son a athar, do bhrígh gur
sháruigh sé go headtrócaireach, gur
chreach sé a dhearbhráthair lé foir-
neart, agus go ndearnuidh sé an ní nar
mhaith a measc a dhaóine, éugfuidh
seision iona eigceart.

19 Gidheadh abhruidhse, cionnus
nach iomchrann an mac éigceart a a-
thar? a nuáir do ni an mac an ní
is dlisdionach agus is ceart, chum-
duighios mo reachtasa uile, agus go
ndean sé iad, mairfidh sé gan amharus.
20 Eúgfuidh an tanam pheacuighios,
ní iomchóra an mac éigceart a a-
thar, ní mó iomchórus an tathair
éigceart an mhic; biáidh fíréantacht
a nfiréin air féin, agus olc an chiontuigh
air féin.
21 Acht má fhillionn an ciontach
ó na pheacuighibh uile do rinne sé, &
go ccoimhéadfa sé mo reachtasa uile,
agus go ndéana an ní is dlisdionach
agus is ceart, mairfidh sé gan amharus,
ní bhfuighe sé bás.
22 Ní labhreorthar ris air a uile
sháruighthibh dá ndéarna sé: ann a fhír-
éuntacht do rinne sé, mairfidh sé.
23 An bhfuil sólás ar bith dhamsa
an ciontach dfagháil bháis, a deir an
Tighearna Día? & nach go bhfillfeadh sé
ó na shlighthibh, & go mairfeadh sé?
24 Acht an tan fhillios an fíréan ó
na fhíréuntacht, agus do ní éigceart
do réir na nuile ghráineamhlacht, acht
do ní an droch dhuine, an mairfidh sé
sin? ní luáighfighear a uile fhíréantacht
dá ndéarna sé; iona sharughadh ar
sháruigh sé, & iona pheacadh ar phea-
caidh sé, do gheabha sé bás ionta sin.
25 Thairis sin a dearthaoi, Ní
comhthrom slighe an Tighearna: éist
a nois, a thigh Israel; Nach bhfuil
mo shlighesi comhthrom? nach bhfuil
id bhur slighthese míochomhthrom?
26 A nuair iompóighios an fíréan ó
na fhíréantacht, & do ní éigceart,
agus do gheibh bás ionta: ar son a
éigceart do rinne sé, éugfuidh sé.
27 A rís an tan iompóighios an
drochdhuine ó na chiontaibh do rinne
sé, agus do ní an ní is dlisdionach
agus is ceart, sáorfuidh sé a anam
béo.
28 Do bhrígh go measann sé, agus
go bhfilleann ó na uile pheacaibh
dá ndéarna sé, gan amharus mairfidh
sé, ní bhfuighe sé bás.
29 Thairis sin a deir tigh Israel,
Ní comhthrom slighe an Tighearna: a
thigh Israel, Nach comhthrom mo shligh-
these? Nach bhfuilid bhur slighthese
míochomhthrom?
30 Ar a nadhbharsan do bhéara mé
breath oruibh, a thigh Israel, gach uile
dhuine do réir a shlightheach, a deir
an Tighearna Día; déanuidh aithrighe,
agus fillidh sibh féin ó bhur cciontaibh
uile; marsin nach biáidh eicceart na
scrios aguibh.
31 Teilgidh seachad uáibh bhur uile
choirthe, ler chiontuigheabhair, agus
déanuidh dhibh féin croidhe nuadh,
agus spiorad núadh: óir cred as a
néugfuidhe, a thigh Israel?
32 Oir

32 Oír ní bhfuil sólás ar bith dhamh-
sa a mbás an tí éugus, a deir an Ti-
ghearna Día: ar a nadhbharsin iom-
paighidh sibh féin, agus mairidh.

C A I B. XIX.

Caoineadh ar doghruinn na bprionnsadha Isráel.

TUilleamh oile, tóig súas golgháir
ar son phrionnsadh Israel,
2 Agus abair, Cred is mathair
thú? leomhan bainionn: do luigh
sí fós a measc na leomhan, doil sí a
cuileáin a measc leomhan óg.
3 Agus thug sí súas áon dá coil-
eánaibh; dfás sé na leomhan óg, agus
dfoghlaim sé breith air an ccreich, do
shluig sé daóine.
4 Do chualadar na geinte fós dá thá-
obh, do gabhadh ann a bpoll é, & ruga-
dar lé slabhradhuibh go tír na Hégipte é.
5 Annois an tan do chonnairc sí gur
fhan sí, agus go ndeachuidh a dóigh
amugha uirre, annsin do ghlac sí áon
oile dá cuiléanuibh, agus do rinne sí
leomhan óg dhe.
6 Agus dimthigh sé súas agus síos
a measc na léomhan, do rinneadh
leomhan óg dhe, agus dfoghluim sé
breith ar an ccreich, agus do shluig
sé daóine.
7 Agus do bhí fios a bpálás áon-
rach aige, agus do rinne sé a ccai-
threacha fáin, agus do bhí a ndúthaigh
fásach, agus a lionmhuire sin lé
fuaim a néallghola.
8 Ann sin do shuigheadar na cinea-
dhacha iona aghaidh ann gach uile
taobh ó na probhinnsibh, agus do
sgaoiligheadar a líon air: do gabhadh
ann a bpoll é.
9 Agus do chuireadar a bpriosún é
a slabhradhuibh, agus rugadar go Rígh
na Babilóine é, rugadar a ndaingnibh
é, iondus nach ccluinfidhe a ghuth
níos mhó air shléibhthibh Israel.
10 Is cosmhuil do mhathair lé
fíneamhuin ann thfuilsi, plannduighthe
láimh ré huisceadhuibh, do bhí sí tóir-
theach, agus lán do bheanganaibh do
bhrígh iomad uisgeadh.
11 Agus do bhádar slata láidre aice
mar shlataibh ríaghla don druing agá
raibh úachtaránacht, & do hárduigheadh
a hárrachtas a measc na ccraobh tteiugh,
agus do thaisbéin sí iona háirde maille
ré hiomadamhlacht a beangán.
12 Acht do táirngiodh as a fréimh
í a ndibhfheirg: do teilgeadh síos
go talamh í, agus do thiormaigh an
ghaoth a noir a toradh: do briseadh,
agus do críonadh a slata láidre, do
loisg an teine íad.
13 Agus a nois do plannduigheadh ansa
bhfásach í, a bhfearann thirim thartmhar
14 Agus do chuáidh teine amach as
slat da beangánuibh, noch do loisg a
toradh, iondus nach bhfuil slat láidir
ar bith aice do bhiath na flait ríaghla: is

caoineadh so, & biáidh sé mar cháoineadh.

C A I B. XX.

Cathughadh thighe Isráel anaghaidh Dé a nallód, & buáidh thrócaire Dé tar uile na ndaóine.

AGus tárla annsa seachtmhadh blia-
dhain annsa chúigeadh mí, an
deachmhadh lá don mhí, go ttáinic drong
airigh do shinnsiorwibh Israel do cheast-
nughadh ris an TTighearna, agus do
shuigheadar dom lathairsi.
2 Annsin tháinic bríathar an Ti-
ghearna chugamsa, ag rádh,
3 A mhic an duine, labhair ré sinsior-
uibh Israel, agus abair ríu, Is marso a
deir an Tighearna Día, An ttanga-
bhairsi dfiafruighe sgéul díomsa? mar
mhairim, a deir an Tighearna Día,
ní cheistneochthar misi maille ribh.
4 An ttaigeora tusa air a son, a
mhic an duine? an mbéara tú breith-
eamhnus orra? tabhair orra gráineamh-
lacht a naithreadh daithniughadh:
5 Agus abair ríu, Is marso a deir
an Tighearna Día, Annsa ló ar thogh
misi Israel, agus ar thóig mé mo lámh
súas chum sleachta thighe Jácob, agus
a ndéarna mé mé féin aitheanta dhóibh
a ccrích na Hégipte, a nuáir do thóig
mé mo lámh súas chuca, ag rádh, Is
misi an Tighearna bhur Ndía,
6 Annsa ló ar thóig mé súas mo
lámh chuca dá ttabhairt as crích na
Hégipte go dúthaigh do bhraith mé
dhóibh, ag tuiliughadh do bhainne agus
do mhil, noch asé glóir na nuile fhearann:
7 Annsin a dubhairt mé ríu, Teilgidh
uáibh gach áon aguibh adhfhúathmhair-
eachta a shúl, agus ná truáilligh sibh
féin le hiodhaluibh na Hégipte: is misi
an Tighearna bhur Ndía.
8 Acht do chathuigheadarsan am a-
ghaidh, & níor éistiodar ríom: níor
theilg gach áon aca úadh gráineamh-
lachta a shúl, ní mó do thréigiodar
iodhail na Hégipte; annsin a dubhairt
misi, Dóirtse mé a núas mo dhíbhfhearg
orra, do choimhlíonadh mfeirge na na-
ghaidhsion a meadhon chríche na Hégipte
9 Acht doibrigh misi ar son manma
féin, iondus nach ttruailleochthaoi a
lathair na ngeinteadh é, a measc a
rabhadar, a radharc a ndéarnas mé
féin aitheanta dhóibh, ghá ttabhairt
amach as crích na Hégipte.
10 Uimesin thug mé orra dul a-
mach as crích na Hégipte, agus thug
mé don nfásach íad.
11 Agus thug mé mo réachta dhóibh,
agus do thaisbéin mé mo bhreithea-
mhnuis dóibh, noch má ní duine, mair-
fidh sé ionta.
12 Tuilleamh oile fós, thug mé mo
shaóire dhóibh do bheith mar chomhar-
tha eadrum féin & íad, go naitheonaidís
gur misi an Tighearna naomhus íad.
13 Acht do chathuigh tigh Israel
am-

am aghaidhsi annsa bhfásach; níor shiu-
bhluigheadar ann mo reachtuibh, & do
tharcuisnigheadar mo bhreitheamhnusa,
noch dá ndéarnaidh duine, mairfidh sé
ionta: agus do thruáillighеadar mo shab-
bóide go mór: annsin a dubhairt mé, Go
ndóirtfinn amach mo dhioghaltas orra
annsa bhfásach da scrios.
14 Acht doibrigh mé ar son manma
féin; chor nach ttruaillfidhe é a lathair
na ngeinteadh, a radharc a ttug mé
amach iad.
15 Acht fós do thóig mé súas mo
lámh dhóibh annsa bhfásach, go nach
ttugainn iad don tír thug mé dhóibh ag
tuilleadh do bhainne agus do mhil,
noch isé glóir na nuile fhearann.
16 Do bhrígh gur dhisbeagadar mo
bhreitheamhnuis, & nar shiubhlugheadar
ann mo reachtaibh, acht gur thruáillea-
dar mo shaóire: óir do chuáidh a
ccroidhthe a ndiáigh a niodhal.
17 Thairis sin do choigil mo shúil iad
ó na scrios, ní mó do rinne mé críoch-
nughadh dhóibh annsa bhfásach.
18 Achd a dubhairt mé re na ccloinn
annsa bhfásach, Ná siubhluighidhsi a
reachtaibh bhur naithreadh, & ná cumh-
duighthi a mbreitheamhnuis, agus ná
salchuidh sibh féin le na niodhaluibh.
19 Is misi an Tighearna bhur Ndía,
siubhluighidh ann mo reachtaibh, agus
coimhéaduigh mo bhreitheamhnuis, agus
déanuidh iad.
20 Agus náomhuidh mo shabbóidigh;
agus béid siad mar chombartha eadrum
agus sibh, chor go mbía a fhios agaibh
gur misi an Tighearna bhur Ndía.
21 Thairis sin, do chathuigheadar an
chlann am aghaidh, níor shiubhluighea-
dar ann mo reachduibh, ní mó do choi-
mhéadadar mo bhreitheamhnuis dá
ndéanamh, noch dá ndéarna duine,
mairfidh sé ionta; do thruáilleadar mo
shaóire: annsin a dubhairt mé, go
ndóirtfinn amach mo dhioghaltas orra,
do choimhlíonadh mfeirge na naghaidh
annsa bhfásach.
22 Thairis sin do chonnaimh mé mo
lámh, agus doibrigh mé ar son manma
féin, iondus nach truaillfidhe é a ra-
dharc na ngeinteadh, a radharc a ttug
mé amach iad.
23 Do thóig mé súas mo lámh chuca
annsa bhfásach, chor go scaóilfinn ar
fud na ngeinteadh iad, agus go ccráobh-
sgaóilinn iad thríd na tíortha;
24 Do bhrígh nach déarnadar mo
bhreitheamhnuis, acht gur dhisbeagadar
mo reachta, agus gur thruáilliodar mo
shaóire, & go rabhadar a súile a ndiaigh
iodhal a naithreadh.
25 Uimesin thug mé dhóibh reachta
nach raibh go maith, agus breitheamh-
nuis le nach mairfedis.
26 Agus do thruáilligh mé iad iona
mbronntaibh féin, a náit a ttuga-
dar fa deara ar gach a bhfosclann
an bhrú dul thríd an tteine, iondus
go ndéanuinn áonréach iad, chor ...
naitheonaidís gur misi an Tighea...
27 Uimesin, a mhic an duine, lab...
ré tigh Israel, agus abair ríu, Is ...
a deir an Tighearna Día, Thairis ...
annsa ní so do mhasluigheadar ...
naithre mé annsa náit ar chionntuigh-
eadar am aghaidh.
28 An tan thug mé iad don tír ...
son ar thóig mé súas mo lámh ...
thabhairt dóibh, annsin do chonnc...
gach uile chnoc árd, agus na huile c...
na tiugha, agus díodhbradar ...
níodhbartha, agus annsin th...
mboladh cúmhra, agus do dh...
amach annsin a nofrála dighe.
29 Annsin a dubhairt mé ríu, Cr...
í a náit árd chum a ttéighthi? ...
goirthear Bamah dainm dhí go ...
niugh.
30 Uimesin abair ré tigh Israel, ...
marso a deir an Tighearna Día, ...
bhfuiltise truáillighthe do réir ...
bhur naithreadh? agus a ndéanta ...
opachus do réir a ngráineamhlacht...
31 Óir a nuáir thairgthi bhur ...
ta, an tan do bhearthaoi air bhur ...
inn dul thríd an tteine, truáillidh ...
féin ré bhur nuile iodhaluibh go ...
a niugh: agus an bhfiafrochar ...
libhsi, a thigh Israel? mar mhairi...
deir an Tighearna Día, Ní cheist...
thar misi maille ribh.
32 Agus an ní thiocfas ann bhur
meanmuin, ní bhiáidh mar sin ...
mar a dearthaóise, Biamne ...
geintibh, amhuil muintеara ...
ann dfoghnamh do chrann...
chlochuibh.
33 Mar mhairim, a deir an Tighearna
Día, go deimhin is lé láimh ...
lé rúigh sínte amach, agus ...
dóirte amach, riaghlochus mé ...
ccionn.
34 Agus do bhéara mé amach ...
as na tíorthuibh mar a ...
tear sibh, le láimh láidir, agus ...
sínte amach, agus lé feirg ...
mach.
35 Agus do bhéara mé sibh ...
sach na ndaóine, agus ...
ribh annsin aghuidh air aghaidh.
36 Amhuil mar do thagair ...
bhur naithribh a bhfásach ...
Hégiphte, marsin thaigeorus ...
a deir an Tighearna Día.
37 Agus do bhéara mé ...
fám shlait, agus do bhéarad ...
bhreach an chunnartha.
38 Agus scagfa mé amach ...
measc na ceannairgthigh, & an ...
sháruighios am aghaidh: do ...
mé amach as an ttír iad ...
mbéid ar cuáirt, agus ní ...
steach a ttír Israel, agus ...
gur misi an Tighearna.
39 Ar bhur sonsa, a thigh Isra-
el, Is marso a deir an Tighea...

Día, imthighidh, foghnuidh gach uile
... agaibh dá iodhaluibh féin, agus
... mar an ccéadna, muna
... riomsa: acht ná truáillidhe
... náomhtha ní as mó lé bhur
... agus le bhur niodhaluibh.
Oír ann mo shliabh náomhtha a
... airde Israel, a deir an Tighear-
... is annsin fhoigheonuid tigh Is-
... dhamhsa annsa tír: annsin
... mé chugam iad, agus annsin
... mé bhur nofrálacha, agus primi-
... níodhbharthadh maille ré bhur
... náomhtha.
Glabha mé chugam sibh maille
... mboladh cumhra, an tan bhéa-
... amach ón bpobal sibh, agus
... mé sibh as na tíorthaibh
... diogaóileadh sibh, agus náomh-
... misi ionnuibh a bhfíaghnuise
... cinteadh.
Agus aitheontaói gur misi an Ti-
... an tan do bhearas mé go tír
... don tír ar son ar thóig mé
... súas dá thabhairt dá bhur
...
... is annsin chuimhneochthaóisi
... agus bhur ngníomha
... truáilleadh sibh, agus súath-
... sibh féin ann bhur radharc féin,
... bhur nuile olc dá ndéarna-
...
Agus aitheontaói gur misi an Ti-
... an tan oibreachus mé libh ar
... féin, ní do réir bhur ndroich-
... nó do réir bhur ngníomh
... a thigh Israel, a deir an
... Día.
Tuilleamh oile, tháinic focal an
... chugam, ag rádh.
A mhic an duine, suighidh haghaidh
... ris an deisceart, agus sil do bhría-
... ris an deisceart, & tairrghir
... fhoraoise an machaire budh
...
Agus abair ré foraóis an deis-
... bríathar an Tighearna, is mar-
... an Tighearna Día, Féuch,
... mé teine ionnad, agus loiscfidh
... uile chrann glas ionnad, agus
... chrann críon: ní múchfuighear
... lasardha, agus loisgfighear innte
... aighthe ón deisceart gus an
...
Agus do chifidh a nuile fheóil
... an Tighearna do las í; ní
... fighear í.
Annsin a dubhairt misi, Ah a Thi-
... Día, a déuruid síad dom
... A né nach neithe dorcha
... sé?

CAIB. XXI.

... Jerusalem mar fhiodhbhaidh ghearr-... an losgadh.

... tháinic bríathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, suighidh haghaidh
leath ré Jerusalem, agus sil do bhríathar
leath ris a náit náomhtha, agus tairrghir
a naghaidh thíre Israel.
3 Agus abair ré tír Israel, Is marso
a deir an Tighearna, Féuch, atáim ad
aghaidh, agus tairreongá mé mo chloi-
dheamh amach.
4 Do bhrígh go ngéarrsa mé amach
uáit an fírean agus an ciontach, uimesin
rachfuidh mo chloidheamh amach as a
thruáill a naghaidh a nuile fheóla ón
deisceart gus an ttuaisceart.
5 Chor go naitheonuidh a nuile
fheóil gur misi an Tighearna do tharr-
uing amach mó chloidheamh as a thruáill
ní fhillfidh sé ní sa mhó a steach.
6 Osnuidhse, a mhic an duine, uime-
sin maille ré briseadh do leasruigh, agus
maille ré searbhus osnuidh as coinne a
súilsan.
7 Agus biáidh ann a nuáir a déaruid
síad riot, Cred as a nuchbhadhann
tú? go bhfreagora tú, Ar son na
scéul, do bhrígh go ttig sé: agus
leighfidh a nuile chroidhe, agus bi-
áid na huile lámha lag, agus anbh-
fainneochuidh gach uile spiorad, agus
biáid na huile ghlúine lag amhuil uisge;
féuch, atá sé ag teacht, agus do bhéar-
thar a ccrích é, a deir an Tighearna Día.
8 A rís tháinic bríathar an Tighearna
chugam, ag rádh.
9 A mhic an duine, Tairrghir & abair,
is marso a deir an Tighearna, Abair atá
cloidheamh, cloidheamh ar na ghéaru-
ghadh, & ar na líomhadh mar an
ccéadna.
10 Atá sé ar na ghéarughadh do dhéa-
namh áir dhoiligh: atá sé ar na lío-
mhadh, chor go loinnreóchadh lé, a ndéan-
maóisne maiseadh solás? dísbeaguidh sé
slat mo mhicse amhuil a nuile chrann.
11 Agus thug sé gha líomhadh é,
iondus go nglacfuidhe é: do ghéarui-
gheadh an cloidheamh, agus atá sé ar
na líomhadh dá thabhairt a láimh an
mharbhthuigh.
12 Eigh agus náalluidh, a mhic
an duine; óir biáidh sé air mo dhaoi-
nibhsi: biáidh uamhan do bhrígh an
chloidhimh air mo phobalsa; uimesin
buail air do shliasuid.
13 Do bhrígh gur teasdughadh é, gi-
dheadh má dhísbeagann an cloidheamh
eadhon an tslat, ní bhiáidh ann ní sa
mhó, a deir an Tighearna Día.
14 Tairghirrsi ar a nadhbharsin, a
mhic an duine, agus buáil do lámha
air a chéile, agus biodh an cloidheamh
dúbalta an treas uáir, cloidheamh na
marbh, ise sin cloidheamh na ndaóine
móra tá marbh, noch théid a steach ann
a seomradhuibh díamhra.
15 Do suighidh mé bairrdheis an chloi-
dhimh a naghaidh a ngeatadh uile, chor
go meirtneochadh a ccroidhe, agus go
méideochthar a naidhmhillte: ah, do
rinneadh loinnreach é, do filleadh súas
chum a náir é. 16 Imthighse

16 Imthighse a slighe éigin, ceachtar
dhiobh, don láimh dheis, nó chlé, gidh
bé ar bith taobh a mbía hadhuigh.
17 Buailfidh misi fós mo lámha fá
chéile, agus do bheara mé air mo dhibh-
fheirg ciunughadh: misi an Tighearna
a dubhairt é.
18 Tháinic focal an Tighearna chugam
a rís, ag rádh.
19 Mar an ccéadna a mhic an duine,
cinn dhá shlighe dhuit féin, chor go
ttiucfa cloidheamh Rígh na Babilóine:
tiucfuidh aráon cúpla amach as an ttír,
agus toghsa áit, togh í ag ceann na sli-
gheadh chum na caithreach.
20 Cinn slighe chum go ttiucfa an
cloidheamh go Rabbat na Nammoní-
teach, agus go Hierusalem, an chathair
dhaingion.
21 Oir do sheas Rígh na Babilóine a
ndealughadh na sligheadh, ag ceann an
dá shligheadh do dheanamh fáistine; do
rinne sé a shoighde déallruightheach, do
chomhairligh sé lé híomhaighibh, dféuch
sé annsna háeghibh.
22 Ar a láimh dheis do bhí fáistine do
Jerusalem dórdughadh caiptíneadh, dos-
cladh an bhéil annsa nár, do thogbháil an
ghotha súas maille ré gáir, dordughadh
reitheadh tolta a naghaidh na ngeatadh,
do theilgion mótadh, agus do chur
daingnigh súas,
23 Agus biáidh sé dhóibhsion amhuil
fáistine bhréige íona radharc, don
druing thug mionna; agus goirfidh sé
chum cuimhne a néicceart, iondus go
ngéabhthar iad.
24 Uimesin is marso a deir an Ti-
ghearna Dia, Do bhrígh go ttugabhair fá
deara bhur néigceart do chuimhniughadh,
an tan do foillsigheadh bhur sáruighthe,
iondus go ttaisbéantar bhur bpeacuidh
ann bhur ngníomhuibh uile: do bhrígh
go ttangabhair chum cuimhne, geabhthar
sibh leis an láimh.
25 Agus thusa a phrionnsa neimhdhía-
dha chiontuigh Israel, noch dá ttáinic do
lá, an tan chríochnochthar an téigceart;
26 Is marso a deir an Tighearna Día,
Athruigh an banna ríoghamhuil, agus
bean diot an choróin: ní budh hí so an
ccéadna, árduigh an té is ísiol, agus
ísligh an té is árd.
27 Iompócha mé é bunóscionn, bunós-
cionn, bunóscionn, agus ní bhiáidh sé
ann ní is mó, nó go ttí an té dar ceart é,
agus do bheara mé dhósan é.
28 Agus, thusa a mhic an duine,
tairrghir & abair, Is mar so a deir an
Tighearna Día, a ttáobh na Nammo-
níteach, agus a ttáobh a masla, eadhon
abair thusa, Atá an cloidheamh, an
cloidheamh tairrngthe, líomhthar é
chum a nair, do dhíothughadh do bhrígh
an déalruighthe.
29 An feadh do chífid díomhaóineas
duitse, an feadh fháistinighid bréaga
dhuit, dot thabhairt air mhuinéaluibh na
druinge marbhthar leis na ciontach[illegible]
noch dá ttáinic a lá an tan chríochn[illegible]
tar a néigceart.
30 An tiubhra misi air filleadh [illegible]
thruáill? do bhéara mé breitheamh[illegible]
ortsa annsa náit ar cruthuigheadh [illegible]
ann do thír dhúthaigh.
31 Agus doirtfidh mé amach [illegible]
ort, séidfidh mé ad aghaidh a ttéine [illegible]
dhioghaltais, agus do bhéara mé thú a
láimh dhaoíne brúideamhla, agus [illegible]
air aidhmhilleadh.
32 Biáidh tú mar chonnadh don [illegible]
biaidh thfuil a meadhon na tíre, [illegible]
cuimhneochthar thú ní sa mhó: óir [illegible]
misi an Tighearna do labhair é.

C A I B. XXII.

Comh-áireamh pheacaidhe Jerusalem, [illegible] noch rinne na nsal & scim a mile [illegible] dhaoine do bhí inte.

TUilleamh fós, tháinic briathar [illegible]
Tighearna chugamsa, ag rádh.
2 Anois a mhic an duine, an [illegible]
tú breath: an mbéara tú breithe[illegible]
air an ccathruigh fhuiltigh? [illegible]
béansa tú a huile ghráineamhlachta [illegible]
3 Annsin abairse, Is marso a deir [illegible]
Tighearna Día, Dóirtidh an ch[illegible]
fuil iona lár, iondus go ttiucfadh a [illegible]
agus do ní si iodhail na haghaidh [illegible]
dá truailleadh féin.
4 Atá tú ciontach ann thfuil, noch [illegible]
dhóirt tú, agus do shaluigh tú thú [illegible]
ann hiodhaluibh, noch do rinne tú, [illegible]
thug tú ar do laéthibh tarraing a [illegible]
& tháinic tú go hiomlán chum do [illegible]
dhan: uimesin do rinne misi [illegible]
díot do na geintibh, agus magadh [illegible]
huile chríochuibh.
5 Do dhéanuid an mhéid atá [illegible]
& an mhéid atá a bhfad [illegible]
fud, noch atá míochlúiteach, [illegible]
bhuaidhreadh go mór.
6 Féuch, prionnsadha Israel, [illegible]
gach áon aca ionnadsa do réir a [illegible]
mhacht do dhórtadh fola.
7 Ionnadsa do tharcuisnighead[illegible]
agus máthair: ann do lár do [illegible]
go cealgach ris an ccoimhthigh[illegible]
nadsa do rinneadar foiréigion [illegible]
ndílleachta, & air an mbaintre[illegible]
8 Do tharcuisnigh tú mo [illegible]
naomhthasa, & do bhris tú mo [illegible]
9 Atáid daóine ionnadsa iomchrait[illegible]
do dhórtadh fola: agus ionnadsa [illegible]
siad ar na sléibhtibh: do níd siad [illegible]
chus ann do lársa.
10 Do thaisbéanadar ionnadsa [illegible]
a naithreadh: ionnadsa dumhluigh[illegible]
an bhean do cuireadh a leathtaobh [illegible]
bhrígh a neamhghloine.
11 Agus do rinne neach gráin[illegible]
lacht ré mnaói a chomharsan, [illegible]
thruáillidh neach oile inghean a [illegible]
agus dumhluigh neach oile ionnadsa
dheirbhshiúr, inghean a athar.
12 Ionnadsa do ghabhadar [illegible]

... do dhórtadh: do ghlac tu úſúireacht
... biſeach, agus do ghnodhuigh tú go
...ch ód chomharſanuibh lé fóirneart,
... do dhearmuid tú miſi, a deir an
...earna Día.
13 Féach uimeſin, do bhuáil miſi mo
... air do ghnodhughadh neimhionn-
..., noch do rinne tú, agus ar thſuil
... do bhí ann do lár.
14 An bhféadann do chroidhe a ſhu-
..., nó an bhféaduid do lámha bheith
... annſna láethibh a ngéabha miſi do
... thú? miſi an Tighearna a dubhairt
... do dhéanad é.
15 Agus díoſgaóilfidh mé thú a
... na ngeinteadh, agus ſcabſuidh mé
... a meaſg na ttíorthann, agus díogh-
...fidh mé do ſhalchar aſad a-
...
16 Agus géabha tú hoighreacht ionnad
... a radharc na ngeinteadh, agus ai-
...idh tú gur miſi an Tighearna.
17 Agus tháinic bríathar an Tighear-
...amſa, ag rádh.
18 A mhic an duine, atá tigh Iſrael
... amhuil ſal, atáid uile na bprás,
..., agus na níarann, agus na luáighe
...dhón na fuirniſe, ní bhfuil ionnta
... ſal airgid.
19 Uimeſin is marſo a deir an Tigh-
... Día, Do bhrígh go bhfuiltí uile bhur
..., uimeſin cruinneocha me ſibh
... a meadhón Ieruſalem.
20 Mar chruinnighid ſíad airgiod, a-
..., agus íarann, agus luáighe, agus
... a meadhón na fuirniſe, do ſhéideadh
...dh air dá leaghadh: marſin
...óchus miſi ſibhſi ann mſeirg
... ann mainteas, agus fúigfidh
... ſibh, agus leaghſuidh me
...
21 Fós cruinneócha mé ſibh, agus
... mé ſúibh a tteine mſeirge, agus
...ghear ſibh iona lár.
22 Amhail leaghthar airgiod a mea-
... na fuirniſe, marſin bheithiſe leagh-
... iona lárſan, agus aitheontaoi gur
... an Tighearna do dhóirt amach
... oruibh.
23 Agus tháinic focal an Tighearna
..., ag rádh.
24 A mhic an duine, abair ría, Is
... tír nach bhfuil glanta, nach mò
...radh ſearthuinn uirre a ló na
...ta.
25 Atá feall agá fáighibh ann a lár
... leomhan buile, cíocrach ar
...; do ſhluigiodar anmanna: do
...adar na hionnmhuis, agus na neithe
...igh: do rinneadar mórán bain-
...ach dhi iona lár.
26 Do bhriſeadar a ſagairt mo dhlí-
...dh, & do tharcuiſnigheadar mo nei-
... naomhtha: ní dheárnadar eidirdhea-
...dh idir an naomhtha, & a neamh-
...mhtha, ní mó do thaisbeanadar
...dhealughadh idir an nglan agus an
...ghlan, agus dfoluigheadar a ſúile
óm ſhaóire, agus atáim ar mo thruaill-
leadh eattorra.
27 Is coſmhuil a prionnſadha iona lár
ré madradhuibh allta cíocrach chum
creiche, do dhórtadh fola, agus do
mharbhadh anmann, dfaghail tarbha
neimhionnraca.
28 Agus do dhóibliodar a ſáighe íad
féin lé moirtéur gan tſúathadh ag faicſin
díomhaóinis, agus ag fáiſtine bréug
dhóibh, ag rádh, Is marſo a deir an
Tighearna Día, an tan nar labhair an
Tighearna.
29 Do ghnáthuigheadar daóine na tíre
éaccóir, agus do chleachtadar ſlad, agus
do chráidheadar an bocht agus an
ríachtanach, do bhrúigheadar fós an
táonránach go héaccóir.
30 Agus díarr miſi duine iona meaſc
do dhéanadh an ſál ſúas, agus do
ſheasfadh annſa mbeirn romham ar ſon
na tíre, iondus nach millſinn í, acht ní
fhuarus duine ar bith.
31 Uimeſin do dhóirt mé amach
mſearg orra, do loiſg mé íad lé teine
mſeirge: do chúitigh mé a ſlighe féin air
a cceannuibh, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XXIII.

Tre pheacadh ſhpíathmhur, dhearnadh Eagluis na Niuduigheadh na Striopaigh.

THáinic bríathar an Tighearna chu-
gam a rís, ag rádh,
2 A mhic an duine, do bhádar días
ban, ingheana áonmháthar amháin.
3 Agus rinneadar ſtríopachus annſa
Négipt, do rinneadar ſtríopachus iona
nóige: annſin do brúigheadh a gcíche,
agus annſin do bhrúigheadar cíocha a
maighdionuis.
4 Agus do bé a nanmanna, Aholah ſa
ſine, agus Aholibah a deirbhſhíur: bá
liomſa íad, agus rugadar mic agus
ingheana: is marſo do bhí a nanmanna:
ſí Aholah Samária, agus ſí Aholibah
Jeruſalem.
5 Agus do rinne Aholah meirdreachus
a muair bá liomſa í, agus do bhí ſí
roghrádhach air a háos grádha, air na
Síríanáchaibh a comharſana,
6 Noch do bhíar na néadughadh a
ngorm, na ccaiptínibh & na ríaghlóiri-
ghibh, íad uile na nóganachaibh toil-
eamhla, na marcſhlúagh ag marcui-
gheacht air eachaibh.
7 Marſo do rinne ſí a ſtríopachus ríu,
leis an méid do bhí na bhfearuibh togh-
tha ſan Naſſiria, agus leis a nuile ar a
raibh a mearghrádh, do thruáilligh ſí í
féin le na níodhaluibh uile.
8 Ní mó dfág ſí a ſtríopachus ón
Négipt; óir do luigheadar lé iona
haóis óig, agus do bhrúigheadar cíche a
maighdionuis, agus do dhóirtiodar a
ſtríopachus uirre.
9 Uimeſin thug miſi a láimh a háos
grádh í, a láimh na Naſſiríanach air a
raibh a cion.

10 Do

10 Do léigiodar so a tárnochtuighe
leis, do ghabhadar a mic & a hinghea-
na, & do mharbhadar í leis an ccloi-
dheamh: & dfás sí na hainm do mhnáibh,
óir rugadar breitheamhnus uirre.
11 Agus an tan do chonnairc a deirbh-
shiur Aholibah so, do bhí sí ní sa truáil-
lighthe iona grádh ainmheasardha, ná ise:
agus iona striópachus ní sa mhó ná a
deirbhshiur iona striópachus.
12 Do antoiligh sí ar na Hassi-
riánachaibh a comharsana, caiptíne a-
gus úachtaráin éaduighthe go ro oir-
néalta, marcshlúagh ag marcuigheacht
ar eachaibh, íad uile na nóganachaibh
iontoille.
13 Annsin do chonnairc misi go raibh
sí ar na truáilleadh, gur ghabhadar
aríon aointslighe.
14 Agus gur mhéaduigh sí a striópa-
chus: óir an tan do chonnairc sí fir
ar na bpinndeáil air an mballa, íomh-
áighe na Ccaldéanach tairngthe re bher-
milion.
15 Criosluighthe maille re crea-
saibh air a leasrach, ag breith bhárr
go hiomarcach a néaduighibh dhaite
air a cceannaibh, íad uile na bprionnsa-
dhuibh re féuchuin, do réir mhodha Bha-
bilóineach na Caldeá, tír a mbeir-
the:
16 Agus comhlúath go bhfaca sí íad
le na súilibh, do mhíchíalluigh sí dhá
ttaóibh, agus do chuir sí teachta chug-
tha don Chaldeá.
17 Agus thangadar Babilóinigh na coinne
go leabuidh an ghrádha, agus do thruaill-
lighiodar í le na striophachus, agus do
truailleadh léo í, agus do bhí a hinntinn
ar na dhéanamh choimhightheach úatha.
18 Mar sin do léig sí a striopachus
leis, agus do thaisbéin sí a tárnoch-
tuighe: annsin do choimhthíghidh minn-
tinnsi uaithe, amhuil dáthruigh minntinn
ó na deirbhshiúir.
19 Gidheadh do mhéaduigh sisi a strío-
pachus a ngairm láethe a hóige chum
cuimhne, ann a ndéarna sí meirdreachus
a ccrích na Hegipte.
20 Oir do antoiligh sí cosmhuil re na
mnáibh luidhesion: do bhrígh go bhfuil
a bhfeoil amhuil feóil assail, agá bhfuil a
sliocht amhuil síol each.
21 Marso thug tú ad chuimhne úallui-
dhe hóige, a mbrúghadh do chíoch leis
na Hégiptibh ar son chíoch hóige.
22 Uimesin, a Aholibah, is marso a
deir an Tighearna Día, Feuch, dúiseo-
cha misi súas háosgrádha ad aghaidh ó
bhfuil hinntinn anaithnidh, & do bhéara
mé ad aghaidh íad air gach áontaoibh;
23 Na Babilónigh, agus na Caldea-
nuigh uile, Pecod, agus Soa, agus Coa,
na Hassiriánuigh uile maille riu: íad uile
na ndaóinibh óga iondúile, na ccaiptínibh
agus na máchtaránuibh, tighearnadha
móra, agus clúiteach, íad uile ag mar-
cuigheacht ar eachaibh.
24 Agus tiucfuid síad uile ad aghaidh
lé carbaduibh, le [illegible]
thaibh, & le cruinniughadh [illegible]
chuirfios buicléir & scíath agus [illegible]
ad adhaigh timchioll sa cconn[illegible]
cuirfidh misi breitheamhnus [illegible]
do bhéaraid síad breitheamhnus [illegible]
réir a mbreitheamhnais féin.
25 Agus suidheocha mé mo [illegible]
aghaidh, agus do dhéanaid síad [illegible]
bhorb riot: béaruid síad léo do [illegible]
gus do chlúasa, agus tuitfidh [illegible]
leis an ccloidheamh: géabhaid [illegible]
mhic agus hinghiona, agus [illegible]
tteine a bhfuigfigheir dhíot.
26 Nochtfuid síad thú fós [illegible]
dach, agus bhéaruid do [illegible]
léo.
27 Marso do bhéara mé air [illegible]
cosg, agus air do striópachus ó [illegible]
Hégipte: iondus nach [illegible]
shúile súas chuca, agus nach [illegible]
cha tú an Négipt ní sa mhó.
28 Oir is marso a deir an T[illegible]
no Día, féuch do bhéara [illegible]
láimh na druinge noch [illegible]
thú, á láimh an luchta ar [illegible]
mheanma úatha.
29 Agus do dhéanuid síad [illegible]
nadh bíadh dom thréud duile bheath-
achaibh an mhagha, do bhrígh nach
raibh áodhaire ar bith ann, ní mó
do chuartuigheadar mo áodhaireadha
diarruidh mo thréuda, acht do bhíath-
adar na háodhaireadha íad féin, agus
níor bhíathadar mo thréadaso.
9 Uimesin, a áodhaireadha, éistigh
bríathar an Tighearna.
10 Is marso a deir an Tighearna
Día, Féuch atáimse a nadhuigh na náo-
dhaireadh, agus íarrfa mé mo thréud
as a láimh, agus bhéara mé orra cosg
do bhíathadh an tréada, ní mó bhiathfuid
na háodhaireadha íad féin ní sa mhó, óir
táirtheocha misi mo thréud as a mbéul,
iondus nach béid na mbíadh dhóibh.
11 Oir is marso a deir an Tighear-
na Día, Féuch misi, misi féin, loirgeo-
ruidh mé fós mo chaóirigh, agus
íarrfaid íad.
12 Amhuil lórgairios áodhaire a thréud
annsa ló a mbi sé a measc a chaorach
théid ar seachrán: marsin lóirgeoradsa
mo chaoirigh, agus saorfa mé íad as
na huile áitibh ionar scánnruigheadh
íad annsa lò néullach dhorcha.
13 Agus do bhéara mé amach ó na
daoinibh íad, & cruinneocha mé íad as
na críochaibh, agus do bhéara mé da
ndúthaigh féin íad, agus beathocha mé
íad ar shléibhtibh Israel láimh ris na
haibhnibh, & a nuile áitibh aitrighthe
na tíre.
14 Beathocha mé íad a ninbhior
mhaith, & biáidh a máinreach air
shléibhtibh árda Israel: annsin bhéid
siad a mánruigh mhaith, & ar inbhear
mhéuth biadhfuid siad ar shléibhtibh
Israel.
15 Beathocha mé mo thréud, & do
bhéara mé orra luighe síos a deir an
Tighearna Día.
16 Iarrfa mé an ní do chuáidh a mu-
gha, & do bhéara mé liom a ris an ní do
díbreadh, & ceangola mé súas an ní do
briseadh, & neartocha mé an ní do
bhí tinn: acht scriosfa mé an méuth & an
láidir, beathochad íad le breitheamhnus.
17 Agus air bhur sonsa, mo thréud, is
marso a deir an Tighearna Día, Féuch do
bheirim breath idir áirnéis & áirnéis, idir
na reithighibh, & na gabhair fhirionna.
18 An ní beag dar libhsi, an tinnbhior
maith dithe súas, acht caithfidhe an chuid
oile dá bhur ninnbhearuibh do shaltairt
síos lé bhur ccosaibh? agus ibhe do na
huisceadhuibh doimhne, acht gur mian
libh an chuid éile do shalchadh le bhur
ccosuibh?
19 Agus ar son mo thréadasa, ithid an
ní do shaltrabhairsi fa bhur ccosaibh, &
ibhid an ní do shalchabhair fa bhur ccos-
aibh.

20 Uimesin, is marso a deir an Tighearna Dia ríu, Féuch misi, misi féin do bhéara mé breath idir a nairneis mhéith, agus nairneis thrúaigh.

21 Do bhrígh gur shaitheabhair le táobh & lé slinnéun, agus gur chnagabhair na heasláin uile lé bhur nadharcaibh, nó gur scáinnreabhair ó chéile amach íad:

22 Uimesin didéonuigh misi mo thréud, agus ní bhéid na ccreich ní sa mhó, agus do bhéara mé breath idir eallach agus eallach.

23 Agus cuirse mé súas áon áodhaire amháin ós a ccionn, agus beathocha sé iad, eadhon mo shearbhfhoghantuigh Dáibhi; beathocha sé iad, agus biáidh na áodhaire aca.

24 Agus biáidh misi an Tighearna am Dhía aca, agus biáidh mo sheirbhíseach Dáibhi na phrionnsa aca, misi an Tighearna do labhair é.

25 Agus do dhéana mé cunnradh síothchána ríu, & do bhéara mé air na droichbheathuighibh cosc as an ttír, & áitreobhuid go daingion annsa bhfásach, agus coideoluid annsna coilltibh.

26 Agus do dhéana mé beannughadh dhíobhsan & do na háitibh timchioll sa ccuáirt mo chnuic; & do bhéara mé ar an ccioth teacht a núas iona am: biáidh ceatha beannachda ann.

27 Agus do bhéara crann an mhachaire a thoradh, agus do bhéara an talamh a bhiseach, agus aitheonuid gur misi an Tighearna, an tan bhrisfios mé cuibhrighe a ccuinge, agus tháirtheochus mé iad as láimh na druinge do bhain a sheirbhís féin asta.

28 Agus ní bhéid ní is mó na ccreich ag na geintibh, ní mó shluigfid beathuighe an mhagha íad, achd coimhneochuid gan fhaitchios, agus ní chuirfidh duine ar bioth eagla orra.

29 Agus tóigfe mé súas dóibh plannda clúiteach, agus ní muirfighear ní is mhó íad lé gorta annsa tír, ní mó iomchoruid náire na ngeinteadh ní is faide.

30 Marso aitheonuid síad go bhfuilimsi, an Tighearna a Ndía maille ríu, agus gurob íadsan, eadhon tigh Israel mo phobal, a deir an Tighearna Día.

31 Agus sibhsi mo thréud, eadhon tréud minnbhir, is daóine sibh, agus misi bhur Ndía, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XXXV.

Tuitmhe & dol a mugha shíol Esau, do bhrígh a naimhdeannas re tighe Jacob.

TUilleamh oile, tháinic bríathar an Tighearna chugam, ag rádh,

2 A mhic an duine, suighidh haghaidh a naghaidh shléibhe Séir, agus tairrnghir na aghaidh.

3 Agus abair ris, Is marso a deir an Tighearna Día, Féuch a shléibh Séir, misi ad adhuigh, agus sínfidh mé mo lámh amach ad aghaidh, agus do dhéana mé ro aonránach thú.

4 Leagfa mé do chaithreacha na bhfásach, agus biáidh tú uáigneach, agus biáidh a fhios agad gur misi an Tighearna.

5 Do bhrígh go raibh fúath síorraidhe agad, agus gur dhóirt tú fuil chloinne Israel lé neart an chloidhimh a [illegible] a naindeise, annsa nam a raibh [illegible] ag á néigceart.

6 Uimesin, mar mhairim, a deir an Tighearna Día, uillimheocha mé thú chum fola, agus leanfuidh fuil thú: ó nár fhuathuidh tú fuil, leanfuidh fuil thú.

7 Marso do dhéana mé sliabh Séir ro áonránach, agus géarrfa mé uádh an té ghabhus amach, agus an té fhillios.

8 Agus líonfa mé a shléibhte lé a dhaóinibh marbha: ann do chnocaibh, agus ann do ghleanntaibh, & ann bhfuil shrothaibh tuitfid uile an drong mharbhthar leis an ccloidheamh.

9 Do dhéana mé uáigneas síorraidhe dhíot, agus ní fhillfid do chaithreacha, agus biáidh a fhios agaibh gur misi an Tighearna.

10 Do bhrígh go ndubhairt tú, Biáidh liomsa an dá chineadhsa, agus an dá thírse, agus sealbhocham iad, giodh go raibh an Tighearna annsin.

11 Uimesin mar mhairim, a deir an Tighearna Día, do dhéansa misi do réir thfeirge, agus do réir haingidheachta, noch do rinne tú a hucht fuatha ionnadhuigh, agus do dhéana mé mé féin aithnid iona measc; an tan bhéuras mé breath ortsa.

12 Agus aitheonuidh tusa gur mé an Tighearna, agus go ccúala mé gach uile scannlacha dar labhair tú a naghaidh shléabh Israel, ag rádh, Do fágbhadh uáigneach íad, tugadh dhúinne íad dá slugadh.

13 Marso lé bhur mbéul do mhórbhair uaibhreachus am aghaidhsi, agus dfoirlíonabhair bhur mbríathra am aghaidh: do chúaluidh misi iad.

14 Is marso a deir an Tighearna Día, An tan lúathghairfios an talamh uile, do dhéana mé thusa [illegible] ránach.

15 Amhuil do ghaírdigh tú fá oighreachd thighe Israel, do bhrígh go raibh sé áonranach, marsin do dhéana misi riotsa: biáidh tú uáigneach, a chnoc Séir, agus Idumea uile go hiomlán, agus aitheonuid síad gur mé an Tighearna.

CAIB. XXXVI.

Saoradh ó naimhdibh, 26 Croidhe nua, & Gairm na ccineadhach, ar na [illegible] amhlaidh ó Dhia.

MAr an ccéadna, thusa a mhic an
duine, tairrghir do shléibhtibh Is-
rael, agus abair, Eistighsi a shléibhte Is-
rael briathar an Tighearna.
2 Is marso a deir an Tighearna
Dia, Do bhrigh go ndubhairt an námh-
aid bhur naghaidhsi, Aha, linne na
hionaite árda a seilbh.
3 Uimesin tairrghir agus abair, Is
marso a deir an Tighearna Día, Do
bhrigh go ndéarnadar uáigneach sibh,
agus gur shluigiodar súas sibh air gach
taoibh, iondus go mbeithí bhur seilbh
ag fuighioll na ngeinteadh, & gur tóg-
badh súas sibh a mbéuluibh na nith-
iomráidhteach, agus go bhfuiltí mío-
chliúteach ag an bpobal:
4 Uimesin a shléibhte Israel, éistigh
briathar an Tighearna Día, is marso
a deir an Tighearna Día ris na sléibh-
tibh agus ris na cnocaibh, ris na
haibhnibh agus ris na gleantaibh, ris
na fásaighibh uáigneacha, agus ris na
caithreachaibh do tréigeadh, noch do
bhí na ccreich, agus na magadh don
chuid oile do na geintibh, noch atá
ina ttimchioll fa ccuáirt:
5 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día, go deimhin a tteine méuda
do labhair misi a naghaidh ar mhair
do na geintibh, agus a naghaidh Idumea
uile, noch dórduigh mo dhúthaigh na
seilbh maille ré gáirdeachus a nuile
croidhe, maille ré hinntin aingidhe,
dá theilgion amach mar chreich.
6 Ar a nadhbharsin tairrghir a ttaobh
tíre Israel, agus abair ris na sléibhtibh
agus ris na cnocaibh, ris na haibhnibh,
agus ris na gleantuibh, Is marso a
deir an Tighearna Día, Féuch, do
labhair mé ann méud agus ann main-
tas, do bhrigh gur iomchrabhair
náire na ngeinteadh.
7 Uimesin is marso a deir an Ti-
ghearna Día, do thóig mé súas mo lámh
ag mionnughadh go deimhin, Iomchór-
aid na geinte atá air gach taóibh dhíbh
a náire féin.
8 Acht sibhsi a shléibhte Israel, cuir-
fidhe amach bhur ngéaga, agus do
bhéarthaói bhur ttoradh dom phobal
Israel: óir atáid do lathair ag teacht.
9 Oir Féuch, atáimsi ar bhur son,
agus fillfidh mé chugaibh, agus trea-
bhochthar, agus síolsuightheár sibh.
10 Agus méideocha mé daóine oruibh,
tigh Israel uile go hiomlán, & áiteoch-
thar na caithreacha, agus cuirfighear
na báinseacha súas.
11 Agus lionfa mé duine agus bea-
thach oruibh, agus fásfuid, agus do
bhéaruid toradh, agus do dhéana mé
ní is féarr sibh na ann bhur ttosui-
ghibh, agus aitheontaói gur misi an
Tighearna.
12 Do bhéara mé fós air dhaóinibh
siubhal oruibh, eadhon mo phobal Israel,
agus sealbhóchuid síad thú, agus
biáidh tú ad oighreacht aca, agus ní
scoithfidh tú as a ndaóinibh iad ní is
mó ó so amach.
13 Is marso a deir an Tighearna
Día, Do bhrigh go nabruid síad ribh,
Thusa a fhearuinn, do shluig tú
súas daóine, agus do scoith tú do
chineadhacha.
14 Uimesin ní shluigfidh tú daóine
ní is mhó, ní mó bhéaras tú air do
chineadhachaibh tuitim ní is mhó, a
deir an Tighearna Día.
15 Ni mó bhéaras misi air dhaóinibh
náire na ngeinteadh do chluinsion ion-
nad ni is mhó, ní mó bhéaras tusa air
na cindheachaibh tuitim ní is mó, a
deir an Tighearna Día.
16 Tuilleamh oile, tháinic briathar an
Tighearna chugamsa, ag rádh,
17 A mhic an duine, an tan do
chómhnuigh tigh Israel ann a ndúthaigh
féin, do shalchadar é lé na slighe féin,
& le na ngníomhuibh: do bhí a slighe
dom lathairsi amhuil neamhghloine
mhná áthruighthe.
18 Ar a nadhbharsin do dhóirt misi
mo dhioghaltas orra ar son na fola do
dhóirteadar air an bhfearann, agus ar
son a niodhal ler thruáilleadar é.
19 Agus deidearscar mé iad a measc
na ngeinteadh, agus do bhádar cráobh-
scaóilte air feadh na ttíorthann, agus
do réir a sligheadh agus do réir a
ngníomhartha do rug misi breath orra.
20 Agus an tan do chúadar a steach
chum na ngeinteadh mar a ndeachadar,
do mhíomhodhadar mainm náomhtha,
an tan a dubhradar ríu, Is íadso pobal
an Tighearna, agus do chúadar amach
as a dhúthaigh.
21 Acht do rinne misi truáighe dhóibh
ar son manma náomhtha, noch do
tharcuisnigh tigh Israel a measg na
ngeinteadh, mar a ndeachadar.
22 Uimesin, abair re tigh Israel, Is
marso a deir an Tighearna Día, Ni ar
bhur sonsa do ním so, a thigh Israel,
acht ar son manma náomhtha féin,
noch do thruáilleabhairsi a measc na
ngeinteadh mar a ndeachabhair.
23 Agus náomhthocha mé mainm mór
féin, noch do heasonóruigheadh a measg
na ngeinteadh, noch do thruailleabhairsi
iona lársan, agus aitheonuid na geinte
gur misi an Tighearna, a deir an Ti-
ghearna Día, an tan náomhthachthar
misi ionnuibhsi as coinne a súl.
24 Oir do bhéara mé as measc na
ngeinteadh sibh, & cruinneocha mé ó
nuile thír sibh, agus do bhéara mé
dha bhur ttír féin sibh.
25 Annsin croithfidh mé uisge glan
oruibh, agus beithí glan: ó bhur nuile
shalchar, agus ó bhur nuile iodhaluibh
sgagfa mé sibh.
26 Do bhéara mé fós croidhe núadh
dhíbh, cuirfidh mé spiorad núadh a
stigh

stigh ionnuibh, agus beansa mé an croi-
dhe clochamhail amach as bhur bhfeóil,
& do bhéara mé croidhe féola dhibh.
27 Agus cuirfe mé mo spiorad ion-
nuibh a stigh, agus do bhéara mé or-
uibh siubhal ann mo reachtaibh, agus
coimhéadfuidhe mo reachta, agus do
dhéantaoi iad.
28 Agus áitreochthaói annsa bhfearann
thug mé da bhur naithribh, & budh
sibhsi mo phobalsa, agus budh misi bhur
Ndiasa.
29 Fós táirtheocha mé sibh ó bhur
nuile shalchar, agus goirfidh mé air a
narbhar, agus méideocha mé é, agus ní
chuirfiod gorta ar bioth oruibh.
30 Agus méideocha mé toradh an
chroinn, agus biseach an mhachaire,
chor nach bhfaghthaoi ní is mó do
mhasla gorta a measg na ngeinteadh.
31 Annsin cuimhneochthaói bhur
ndroichslighthe féin, & bhur ngníomhartha
nar mhaith, & fúathochuidh sibh féin
ion bhur radharc féin, do bhrígh bhur
néigceart, agus do bhrígh bhur ngráin-
eamhlachda.
32 Ni ar bhur sonsa do ním so, a
deir an Tighearna Día, biodh a fhios
agaibh: bithí náireach agus claóidhte
ar son bhur slightheach féin, a thigh
Israel.
33 Is marso a deir an Tighearna
Día, Annsa ló a sgagsa mé sibh ó bhur
nuile pheacadh, do bhéara mé oruibh
fós comhnuighe annsna caithreachaibh,
agus cuirfighear na báinseacha súas.
34 Agus treabhochthar an fearann
fásuigh, a náit ar luigh sé uáigneach a
radharc gach ar ghabh láimh ris.
35 Agus a déaruid siad, Atá an dú-
thaighsi do bhí bán, amhuil gáirdín
Eden, agus atáid na caithreacha fásuigh
agus aonránach agus scriosta, dangion
agus áitreibhthe.
36 Annsin aitheonuid na geinte do
fágbhadh air gach taóibh dhíbh fa
ccuáirt gur misi an Tighearna, chuirios
súas na háite scriosta, agus phlanndas
a náit do bhí uáigneach: misi an Ti-
ghearna do labhair é, agus do dhéa-
nad é.
37 Is marso a deir an Tighearna
Día, Ceistneochthar riom fós ar a shon
so le tigh Israel, do dhéanamh air a
son, méideocha mé iad lé daóinibh
amhuil tréud.
38 Amhuil an tréad naómhtha, amh-
uil tréad Jerusalem iona féustuibh solla-
monta; marsin líonfuighear na caith-
reacha fásuigh lé tréaduibh daóine,
agus biáidh a fhios aca gur misi an
Tighearna.

CAIB. XXXVII.

Fioghair aith-bheódhadh Israel, & eiseirghe na marbha. 15 Is le áondacht Israel & Judah.

DO bhí lámh an Tighearna orumsa,
agus thug sé amach mé a spiorad
an Tighearna, agus do shuighidh sé
síos mé a lár an ghleanna noch do
bhí lán do chnámhuibh.
2 Agus thug sé orum gabhail re na
ttáobh timchioll fa ccuáirt, & Féuch,
do bhí ro mhórán annsa machaire
lom, agus Féuch, do bhádar ro thirim.
3 Agus a dubhairt sé riom, A mhic an
duine, an bhféaduid na cnámhaso bheith
béo? agus do fhreagair misi, A Ti-
ghearna Día, Is agadsa atá a fhios.
4 A dubhairt sé riom a ris, Tairrghirsi
air na cnámhaibhsi, agus abair riu, Sibh-
si a chnámha tiorma, éistigh briathar
an Tighearna.
5 Is marso a deir an Tighearna Día
ris na cnámhuibhsi, Féuch, cuirfe mé
anál ionnuibh, agus mairfidhe.
6 Agus cuirfe mé féitheach oruibh,
agus do bhéara mé feóil súas oruibh,
agus foileocha mé sibh lé croicionn, &
cuirfe mé anál ionnuibh, agus beithí
béo, agus biaidh a fhios agaibh gur
misi an Tighearna.
7 Mairsin do thairrghir misi mar do
háithnigheadh dhiom, agus mar do
thairrghir mé, do bhí tormán ann, agus
Féuch crioth, agus thangadar na cnámha chum a chéile, cnáimh chum a
chnáimh.
8 Agus an tan damhairc mé, Féuch,
thangadar na féitheach, agus a nfeóil
súas orra, & dfoluigh an croicionn iad
ós a ccionn; acht ní raibh anál ionta.
9 Ann sin a dubhairt seision riomsa,
Tairrghir chum na gáoithe, tairrghir a
mhic an duine, & abair ris an ngáoith,
Is marso a deir an Tighearna
Día: Tárr ó na ceithre gáothuibh, a
anál, agus séid ar na marbhuibhsi, chor
go mbéid beó.
10 Marsin do thairrghir mé mar do
aithin sé dhíom, agus tháinic a nanál
ionta, agus do bhádar béo, agus do
sheasadar ar a ccosaibh, slúagh ro adhbhulmhór.
11 Annsin a dubhairt sé riomsa, A
mhic an duine, is iad na cnámhaso tigh
Israel go hiomlán: Féuch, a deirid
siad: Do tiormuigheadh ar ccnámha,
agus do chailleadh ar ndóthchas, ata
ar soinne do gearradh amach síos.
12 Uimesin tairrghir, agus abair ris,
Is marso a deir an Tighearna, Féuch,
mo phobal, foisceola misi bhur nuáighe,
agus do bhéara mé oruibh teacht a nios
as bhur nuáighibh, agus do bhéara mé
sibh go tír Israel.
13 Agus aitheontaói gur misi an
Tighearna, an tan fhoisceolus mé bhur
nuáighe, mo phobal, agus bhéaras mé
a nios as bhur nuáighibh sibh,
14 Agus chúirfeas mé mo spiorad ion-
nuibh, & bheithí beó, & shuigheochad
mé ion bhur ndúthaigh féin sibh; ann

[f]is aitheontaoi gur misi an Tighearna
do labhair é, agus do cheimhlíon é, a
deir an Tighearna.
15 Tháinic focal an Tighearna chu-
gam a ris, ag rádh,
16 Tuilleamh fós, thusa a mhic an
duine, glac chugad aonmhaide, agus
scriobh air, ar son Júdah, agus ar son
chloinne Israel a chompánacha: annsin
glac maide oile, agus scríobh air, ar
son Jóseph maide Ephraim, agus ar son
uile thighe Israel a chompánacha.
17 Agus ceangail dá chéile iad a náon-
mhaide, agus biáidh na naon [mhaide]
ann do láimh.
18 Agus an tan laibheoruid clann
do dhaóine leachd ag rádh; Nach ttais-
beanfa tú dhúinn cred is ciall duit
[leis] so!
19 Abairsi ríu, Is marso a deir a[n]
Tighearna Día, Féuch, glacsa mé maide
Joseph, noch atá a láimh Ephraim, agus
treabha Israel, a chompánacha, agus
cuirfidh mé iadsan maille ris, eadhon
[le] maide Júdah, agus do dhéana mé
aonmhaide dhíobh, agus béid na náon
[mhaide] ann mo láimh.
20 Agus biáidh na maideadha air
a scríobhann tú, ann do láimh as co[m]-
[ai]r a súl.
21 Agus abair ríu, Is marso a deir
an Tighearna Día, Féuch, do bhéara
mé clann Israel ó bheith a measc na
gcinteadh mar a ndeachadar, agus
cruinneocha mé air gach áontaóibh
iad, agus do bhéara mé dá ttír féin
iad.
22 Agus do dhéana mé áoinchineadh
amháin díobh annsa dúthaigh ar
shléibhtibh Israel, agus budh aóinrígh
amháin bhus Rígh orra uile, agus ní bhi-
áid na ndá chineadh ní is mó, ní
mó rannfuighear an ndá ríoghachd iad
ní is mhó air aonchor.
23 Ní mó shaileochuid iad féin le na
niodhaluibh ni sa mhó, nó le na neithibh
gráineamhla, nó lé coir ar bioth dá
coirthibh: acht táirtheocha misi iad
as a nuile áitibh comhnuidhe ann ar
pheacuigheadar, agus glansa mé iad:
marsin budh iadsan mo phobalsa, & [budh]
misi a Ndiasan.
24 Agus biáidh Dáibhi mo sheir-
bhíseach na Rígh ós a ccionn, agus biáidh
aontréaduighe aca uile: siubhoLuid fós
ann mo bhreitheamhnusaibhse, agus
coimhéadfuid mo statúide, agus do
dhéanuid iad.
25 Agus áitreobhuid annsa bhfearann,
noch thug mé do Jácob mo sheirbhíseach,
mar ar chomhnuigheadar bhur naithre,
agus áiteochuid annsin, iad féin agus
a cclann, & clann a ccloinne go bráth,
agus budh é mo sheirbhíseach Dáibhi
a bprionnsa go bráth.
26 Tuilleamh oile, do dhéana mé
cunnradh síothchána ríu, biáidh sé na
chunnradh shíorruidhe aca: agus áit-
eocha mé iad, agus foirlíonsa mé iad,
agus suigheocha mé mo shanctóir iona
lár go bráth.
27 Biáidh fós mé thabernacuil maille
ríu, fós budh misi a Ndia, agus budh
iadsan mo phobalsa.
28 Agus biáidh a fhios aig na gein-
tibh gur misi an Tighearna náomhas
Israel, an tan bhias mo shanctóir iona
lár go bráth.

CAIB. XXXVIII.

*Tairrghir um Ghog & Mhagog, eascairde fol-
uighthech & follasach, Eaglaise Dé.*

AGus tháinic bríathar an Tighearna
chugamsa, ag rádh,
2 A mhic an duine, suighidh do
ghnúis a naghaidh Ghog, tír Mhagog,
áirdphrionnsa Mesech agus Túbal, agus
tairrghir iona aghaidh.
3 Agus abair, is marso a deir an
Tighearna Día, Féuch, atáimsi ad agh-
aidh, a Ghog, áirdphrionnsa Mhesech
agus Túbal.
4 Agus fillfidh misi ar hais thú, agus
cuirfe mé dubhán ann do ghiallaibh,
agus do bhéara mé amach thú féin &
do shlúagh uile, eich agus marcshlúagh,
iad uile éidighthe maille ris a nuile
ghné airm, cuideachta mhór fós ré
baicléaruibh agus re sciathaibh, iad uile
ag glacadh cloidhmhthe.
5 Persia, Etiópia, agus Líbia maille
ríu, iad uile gun a sciathaibh agus a
ccinnbheirt.
6 Gomer agus a nuile bhannadha, tigh
Thogarmah do na háirdibh budh
thuáigh, agus a bhannadha uile, &
mórán daóine maille riot.
7 Bídhsi réidh, & gléus ar do shon
féin, thú féin agus do chuideachta uile
do chruinnigh chugad, agus bí ad
ghárda aca.
8 A ndiáigh mhóráin láetheadh ionn-
sochthar thú, annsna bliadhnuibh déigh-
neocha tiucfa tú don tír tugadh ar ais
ón ccloidheamh, & do cruinnigheadh
as mórán daóine a naghaidh shléibhte
Israel, noch do bhí a ccomhnuidhe na
bhfásach; acht tugadh amach as na
cineadhachaibh é, agus áitreochuid síad
uile go daingion.
9 Eireocha tú súas, agus biáidh tú
cosmhuil ré hansa, biáidh tú cosmhuil
ré néull dfolach na tíre, thusa agus
do bhannadha uile, agus mórán daóine
maille riot.
10 Is marso a deir an Tighearna Día,
Tiucfuidh a ccrích mar an ccéadna ann-
sa namsin féin go ttiucfuid neithe ann
hinntinn, agus go smuáineocha tú
drochsmuáineadh.
11 Agus a déara tú, Racha mé súas
go tír na mbailteadh gan bhalladha,
racha mé gó nuige an muintir atá na
ccomhnuidhe, áitreabhas go socair, iad
uile ag áitreabhadh gan bhalladha,
agus gan bharradha nó geatadha aca.

12 Do

12 Do dhéanamh éadála, agus do
ghlacadh treiche, chum do láimhe
diompógh ar na háitibh ſáſuigh, atá
anois ar na náitreabh, agus air na
daóinibh do cruinnigheadh as na ci-
neadhachaibh amach, noch ſuáir áirnéis
& maóin, noch áitreabhus a lár na tíre.
13 A déaruid Chéba, agus Dédan,
agus ceannuighthe Tharſis maille ré na
nuile leomhanuibh òga ríot, An ttáinic
tú do ghlacadh éadála? nar chruin-
nigh tú do chuideachta do dhéanamh
creiche? do bhreith óir agus airgid
leachd, do bhreith áirnéiſe agus maóine,
do ghlacadh éadala móire?
14 Uimeſin, a mhic an duine, tairr-
ghir, agus abair ré Gog, Is marſo a
deir an Tighearna Día, Annſa ló ſin
an tan áitreobhuid mo phobal Iſrael
go daingion, nach biáidh a fhios ſin
agadſa?
15 Agus tiucfa tú as háit féin, as
na hairdibh budh thuaigh, thú féin
agus mórán daóine leachd, iad uile
ag marcuigheacht air eachaibh, cuideach-
ta mhór, agus ſlúagh neartmhar.
16 Agus tiucfa tú a nios a na-
ghaidh mo phobail Iſrael amhuil néull
dſolach na talmhan: annſna láethibh
deighniocha bhías ſé, agus do bhéara
miſi thú a naghaidh mo dháithche, chor
go mbia a fhios ag na geintibh, an
tan naomhthochthar ionnadſa mé, a
Ghog, as coinne a ſúl.
17 Is marſo a deir an Tighearna
Día, An tuſa an té air ar labhair mé
ſan tſeanaimſir tre mo ſheirbhíſibh,
fáighe Iſrael, noch do thairrghir annſna
láethibhſin mórán bliadhan, go ttiubh-
ruinn thuſa na naghaidh?
18 Agus tiucfuidh a gcrích annſa
nam chéadna, an tan thiucfas Gog
a naghaidh thíre Iſrael, a deir an
Tighearna Día, go ttiucfa mo dhio-
ghaltas ſúas ann méadan.
19 Oir is ann méud, agus a ttine
mſeirge do labhair mé: go deimhin
biáidh crioth mór a ttìr Iſrael ſan ló ſin:
20 Iondus go ccrithfid éiſc na
fairge, agus éunlaith neimhe, agus
beathuighe an mhachaire; agus na huile
neithe ſnáidheacha ſhnaidhios air an
ttalamh, & na huile dhaóine da bhfuil
ar ghnúis na talmhan rem radharcſa,
agus teilgfighear na ſléibhte, agus
tuitfid na háite árda, agus tuitfidh a
nuile bhalla go talamh.
21 Agus goirfidh mé air chloidheamh
na aghaidh air feadh mo chineadhach
uile, a deir an Tighearna Día: biáidh
cloidheamh gach aóin a naghaidh a
dhearbhrathar.
22 Agus taigeora mé na aghaidh;
maille re pláigh agus lé fuil, agus
fearfa mé air, agus air a bhannadhuibh,
agus air a niomad daóine atá aige,
fearthuinn anfach, agus cloichſhneachta
móra, teine agus ruibh.
23 Marſo mórdhálfad mé féin,
agus naomhthochad mé féin, agus aith-
eontar mé a radharc mhórain cine-
dhach, agus biáidh a fhios aca gur
mé an Tighearna.

CAIB. XXXIX.

Déis do Ghog Iſrael déigniughadh, ſiguidhthar é féin.

UIme ſin thuſa, a mhic an duine,
tairrghir a naghaidh Ghog,
agus abair, Is marſo a deir an Ti-
ghearna Día, Féach atáimſi ad aghaidh,
a Ghog, a áird-phrionnſa Meſech
agus Túbal.
2 Agus fillfidh mé ar hais thú,
agus ní fhúigfidh mé acht an ſeiſeadh
cuid díot, agus do bhéara mé ort teacht
a níos ó na hairdibh budh thuaigh, agus
do bhéarad ar ſhléibhtibh Iſrael thú.
3 Agus buáilfidh mé do bhogha a
do láimh chlé, agus do bhéara mé ar
do ſhoighdibh tuitim as do láimh dheis.
4 Tuitfidh tú ar ſhléibhtibh Iſrael,
thú féin & do bhannadha uile, agus na
daóine atá leat: do bhéara mé déanaibh
cíocracha do nuile ſhórt, & do bheath-
chaibh an mhachaire dot ſhlugadh, thú.
5 Tuitfidh tú air an machaire lom,
óir do labhair miſi é, a deir an
Tighearna Día.
6 Agus cuirfidh mé teine ar Ma-
gog, agus a meaſc na ndáoine chomh-
nuighios go neamhchúramach ſanna
hoiléanuibh, agus aitheonuid ſiad gur
miſi an Tighearna.
7 Marſin do dhéana mé mainm naomh-
tha aithnid a lár mo phobuil Iſrael,
agus ní léigfidh mé dhóibh mainm
naomhtha do thruáilleadh ní as mó,
agus aitheonuid na geinte gur miſi an
Tighearna, áon naomhtha Iſrael.
8 Féuch, tháinic ſé, agus do ri-
neadh é, a deir an Tighearna Día;
aſe ſo an lá air ar labhair mé.
9 Agus rachfuidh an drong chomh-
nuighios a ccaithreachaibh Iſrael amach,
agus cuirfid tré theine, agus loiſgfid
na hairm, na ſciatha ar aon, agus
na buicléir, na bogha, agus na ſoigh-
de, agus na lámhmhaideadha, agus na
gáethe, agus loiſgfid lé teine iad
ſeacht mbliadhna.
10 Iondus nach béaruid ſiad coil
ar bioth as an machaire, nach mó ghear-
fuid crann ar bioth as na foraoiſibh;
loiſgfid na hairm lé teine, agus
creachfuid ſiad an lucht do chreach
iad, agus ſladfuid an drong do ſlad
iad, a deir an Tighearna Día.
11 Agus tiucfuidh a ccrích anſa
ló ſin go ttiubhra mé do Ghog ionad
annſin chum uaigheadh a Niſrael, gleann
an luchd ſiubhail don taóibh ſhoir do
nfairge: agus ſtopfuidh ſin ſróna na
druinge ghabhus thairis, & adhlaicfid
Gog annſin, agus a ſhluagh uile, agus
goirfid ſiad de, Gleann Hamon-Gog:

12 Agus biáidh tigh Iſrael da nadhlacadh ſeacht mí, chor go nglanfuid an fearann.

13 Afeadh adhlaicfidh uile dhaóine na tíre iad, agus biáidh na chlú dhóibh an lá a nglóirfighear miſi, a deir an Tighearna Día,

14 Agus deileochuid ſiad amach daóine ſiúas do ghnáth gnothuigheach ag dul thríd ann ttír ag adhlacadh leis an luchd ſiubhail an drong nar hadhlacadh ar aghaidh na talmhan chum a ghlanadh: iar cciochnughadh ſeacht míos ſionfuid ſiad iar ccríochnughadh ſeacht míos.

15 Agus an luchd ſiubhail imthighios thríd an ttír, an tan do chífidh duine ar bioth cnáimh duine, annſin cuirfidh ſé comhartha ſúas láimh ris, chor go nadhlaicid an lucht adhluicthe é a ngleann Hamon-Gog.

16 Agus fós iſé bhus ainm don chathraigh Hámonah: marſo ghlanfuid ſiad an fearann.

17 Agus thuſa, á mhic an duine, is marſo a déir an Tighearna Día, Labhair ris a nuile éun ſciathanach, agus ré huile bheathach an mhachaire, cruinnighidh ſibh féin, agus tigidh, cruinnighidh ſibh air gach uile thaobh chum mo iodhbarthaſa do ním dofráil air bhur ſon, eadhon iodhbairt mhór ar ſhléibhtibh Iſrael, iondus go niosſaói feóil, & go niobhthaói fuil.

18 Iosſaói feóil na neartmhar, agus iobhthaói fuil phrionnſadh na talmhan, reitheadh, ùan, agus ghabhar, agus bhulog, iad uile ar na mbíathadh a Mbaſan.

19 Agus ioſtaói méuthas nó go rabhthaói lán, agus iobhthaói fuil nó go rabhthaói ar meiſce dom iodhbarthaibhſi, noch do iodbhair mé ar bhur ſon.

20 Marſo líonſuighear ſibh ar mo bhórdſa lé heachaibh agus lé carbaduibh, lé daoinibh cumhachtacha, agus leis na huile fhearuibh cógaidh, a deir an Tighearna Día,

21 Agus ſuidheocha mé mo ghlóir a measc na ngeinteadh, agus do chífid na geinte uile mo bhreitheamhnus rug mé, agus mo lámh do leag mé orra.

22 Marſin biáidh a fhíos aig tigh Iſrael gur miſi an Tighearna Día on lá ſin, agus ó ſin amach.

23 Agus aitheonuid na geinte gurob ar ſon a néigceart do chuáidh tigh Iſrael a ndaóirſine, do bhrígh gur chiontuigheadar am aghaidhſi, uimeſin dfoluigh mé maghaidh úatha, agus thug mé a láimh a námhad iad; marſin do thuitiodar uile leis an ccloidheamh,

24 Do réir a neamhghloine, agus do réir a bpeacadh do rinne mé ríu, & dfoluigh mé mo ghnúis úatha.

25 Uimeſin is marſo a deir an Tighearna Día, Anois do bhéara mé liom a rís braighdionas Jacob, agus do dhéana mé trócaire air thigh Iſrael go hiomlán, agus biáidh éud orum ar ſon manma naomhtha:

26 Tar éis a náire diomchar dhóibh, agus a ccionta uile lér chiontuigheadar am aghaidhſi, an tan do chomhnuigheadar daingean iona ndúthaigh, agus nár chuir duine ar bioth eagla orra.

27 An tan bhéaras mé ó na cineadhachuibh a rís iad, agus chruinneochus mé iad as tíorthaibh a námhad, agus bhias mé náomhtha ionta a radharc mhóráin cineadhach:

28 Annſin, aitheonuid ſiad gur miſi an Tighearna a Ndia, noch thug fa deara a mbreith a láimh ameaſc na ngeinteadh: acht do chruinnigh mé dá ttír féin iad, agus níor fhág mé áon diobh ní as mó annſin.

29 Ní mó cheilfios mé maghaidh orra ní is mó: óir do dhóirt mé amach mo ſpiorad air thigh Iſrael, a deir an Tighearna Día.

CAIB. XL.

Cuma míſdiſibe Theampuill, ar na thoſughadh.

ANnſa chúigeadh bliadhain fithchiod dar ndaóirſine, a ttoſach na bliadhna, an deachmhadh lá don mhí, annſa cheathramhadh bliadhain déag tar éis na caithreacha do bhúaladh, annſa ló cheadnaſin do bhí lámh an Tighearna orum, agus rug annſin mé.

2 A bhfiſibh Dé rug ſé leis mé go tír Iſrael, agus do ſhuighidh ſé mé air ſhliabh ro árd, láimh lé a raibh amhuil cuma caithreach budh dheas.

3 Agus thug ſé annſin mé, agus féuch, do bhí duine ann ag ar coſmhuil a thaiſbéanadh ré taiſbéanadh práis, go ndorubha lín iona láimh, agus ſlat thomhais, agus do ſheas ſé annſa gheata.

4 Agus a dubhairt an duine ríomſa, A mhic an duine, faic lead ſhúilibh, & cluin led chlúaſaibh, agus ſuighidh do chroidhe air a nuile ní thaiſbéanfas miſi dhuit; óir is chum go ttaiſbeanfuinn duit iad, tugadh annſo thú: foillſigh do thigh Iſrael a nuile ní do chídh tú.

5 Agus féuch, balla don taóibh amuigh don tigh timchioll fa ccuáirt, agus a láimh an duine ſlat thombais ſé cubhaid ar fad, leis an ccnámhruigheadh, agus leithead bais: marſin do thomhais ſé leithne an tighe, aon tſlat, agus a áirde áon tſlat.

6 Annſin tháinic ſé chum an gheata, noch ſhéuchus don leath ſoir, agus do chuáidh ſé ſúas iona ſtaighrighibh, agus do thomhais ſé tairſeach an gheata, áon tſlat ar leithead, agus an tairſeach oile dhe áon tſlat ar leithead.

7 Agus gach ſeomra beag áon tſlat ar fad, agus áon tſlat ar leithead, agus cúig cubhaid idir na ſeomradhuibh beaga, agus budh áon tſlat tairſeach an gheata ag póirſe an gheata táobh a ſtigh.

8 Do

8 Do thomhais sé fós póirse an
gheata a stigh áontslat.
9 Annsin do thomhais sé póirse an
gheata, ocht ccubhaid, agus a phos-
tadha dhá chubhad, agus do bhí póirse
an gheata taóibh a stigh.
10 Agus seomradha beaga an ghea-
ta shoir bá trí iad don taoibhsi, agus
a trí don taóibh oile; do bhádar
na ttriúr daoinmhiosúr, agus do bhí
áon mhiosúr ag na postadhuibh don
taoibhsi, agus don taóibh oile.
11 Agus do thomhais sé leithead
dhula a steach an gheata, deich ccu-
bhaid, agus dob é fad an gheata,
trí cubhaid déag.
12 Do budh aon chubhad an spás
do bhí idir na seomradhuibh beaga,
agus an spás don taóibh oile áon
chubhad, agus na seomradha beaga sé
cubhaid don ttaóibhsi, agus sé cubhaid
don taoibh oile.
13 Do thomhais sé annsin an geata
ó mhullach aóintseomra bhig go mul-
lach seomra oile: do budh cúig
cubhaid fhithchiod a leithead, dorus
ar aghaidh dhoruis.
14 Do rinne sé fós postadha thrí
bhfithchid cubhad, eadhon go posta na
cúirte timchioll fa ccuáirt an gheata.
15 Agus do bhí cáogad cubhad ó
aghaidh gheata an dula a steach, go
haghaidh phóirse an gheata a stigh.
16 Agus do bhádar fuinnéoga
cumhga ris na seomradhuibh beaga,
agus ré na bpostuighibh táobh a
stigh don gheata timchioll fa ccuairt,
agus mar an ccéadna ris na háir-
sighibh: agus do bhádar fuinnéoga
timchioll fa ccuairt táobh a stigh:
agus ar gach áon phosta do bhí crann
pailme.
17 Annsin rug sé mé don chúirt
amuigh, agus féuch, do bhádar seom-
radha, agus pábháil déunta don chúirt
timchioll fa ccuáirt, agus do bhí
tríochad seomra air an bpabháil.
18 Agus an phábháil ré taóibh na
ngeatadh, thall as coinne leithne na
ngeatadh, do bí sin an phábháil íoch-
tarach.
19 Annsin do thomhais sé a leithead
ó aghaidh thosaigh an gheata iochtair
go nuige aghaidh thosaigh na cúirte
dob fhaide a steach taobh amuigh, céad
cubhad leath shoir, & leath thuáigh.
20 Agus do thomhais sé geata na
cúirte amuigh, noch fhéachus leath
thuaigh, a fhad, agus a leithead.
21 Agus do budh a trí, a sheom-
radha beaga air an ttaoibhsi, agus
air an ttaóibh oile, agus do bhí a
phostadha, agus a áirseadha do réir
thomhais an chéidgheata; do bé a
fhad cáogad cubhad, agus á leithead
cúig cubhaid fhithchiod.
22 Agus do bhádar a bhfuinnéoga,
agus a náirsiodha, agus a ccrainn
pailme do réir thomhais an gheata
noch fhéuchus leath shoir, agus do
chúadar súas chuige lé seacht ccois-
céime, agus do bhádar a áirsighe
as a ccoinne.
23 Agus do bhí geata na cúirte
a stigh, thall as coinne an gheata so
leath thuáigh & leath shoir, & do tho-
mhais sé ó gheata go geata céad cubhad.
24 Tar éis sin thug sé mé don
leath theas, agus féuch, geata leath
theas, & do thomhais sé a phostadha, &
a áirsighe do réir na ttomhas so.
25 Agus do bhádar fuinnéoga ann,
& iona áirsighibh timchioll fa ccuairt,
cosmhuil ris na fuinnéogaibh sin; budh
cáogad cubhad a bhfad, agus a
leithead cúig cubhaid fhithchiod.
26 Agus do bhádar seacht ccois-
céime do dhul súas chuige, agus do
bhádar a áirsighe as a ccoinne sin, agus
do bhádar crainn phailme ann, áon
air an ttáoibhsi, agus áon air an ttaoibh
oile air a phostadhuibh.
27 Agus do bhí geata annsa chúirt
a stigh leath ris an ttáoibh theas,
agus do thomhais sé ó gheata go geata
leath theas, céud cubhad.
28 Agus thug sé misi don chúirt a
stigh leath ris an ngeata theas, agus do
thomhais sé an geata theas do réir
na ttomhas so.
29 Agus a sheomradha beaga,
agus a phostadha, agus a áirsighe do
réir na ttomhas so, agus do bhádar
fuinneóga ann, agus iona áirsighibh
timchioll fa ccuáirt; cáogad cubhad
air fad, agus cúig cubhaid fhithchiod
air leithead.
30 Agus do bhádar na háirseadha
timchioll fa ccuáirt, cúig cubhaid fhith-
chiod ar fad, agus cúig cubhaid a
leithead.
31 Agus do bhádar a áirsighe leath
ris an ccúirt amuigh, agus crainn
phailme air a phostadhaibh, agus ocht
ccoiscéime iona dhul súas.
32 Agus thug sé mé gus an cúirt
dob fhaide a steach leath shoir, agus
do thomhais sé an geata do réir na
ttomhas so.
33 Agus do bhidar a seomradha
beaga, agus a postádha, agus a háir-
sighe do réir na ttomhas so; agus
do bhádar fuinneóga ann agus iona
áirsighibh timchioll fa ccuáirt: cáogad
cubhaid a fhad, agus cúig cubhaid fhith-
chiod a leithead.
34 Agus do bhádar a áirsighe leath
ris an ccúirt amuigh, agus crainn
phailme air a phostadhuibh, air an
ttaoibhsi, agus air an ttaoibh oile, &
ocht ccoiscéime iona dhul súas.
35 Agus thug sé don gheata thuaigh
mé, agus do thombais sé é do réir na
ttomhasso.
36 Agus a sheomradha beaga, a pho-
stadha, agus a áirsighe, agus na fuinn-

[...] ris timchioll fa ccuairt: caogad
cubhad air fhad, & cúig cubhaid fhith-
chiod air leithead.
37 Agus do bhádar a phostadha leath
ris an ccúirt amuigh, agus crainn phail-
me air a phostadhuibh air an ttaóibhsi
agus air an ttaoibh oile, agus ocht
ccéimeanna ag a dhul súas.
38 Agus do bhádar a sheomradha,
agus a dhula a steach láimh ré posta-
dhaibh na ngeatadh, ann ar nighiodar
an iofráil loisge.
39 Agus do bhí a bpóirse an gheata
dha chlár don táoibhse, & dha chlár
don taóibh oile, do mharbhadh na hof-
rala loisge orra, & na hofrala peacuidh,
& na hofrála saruighthe.
40 Agus ag an ttaobh amuigh, mar
théid duine súas ag dul a steach an ghea-
ta thuaigh, do bhádar dhá bhórd; &
air an ttaóibh oile, noch do bhí ag
póirse an gheata, dha bhórd.
41 Do bhádar ceithre buird air an
taóibhsi, agus ceithre buird don taoibh
oile le taóibh an gheata: ocht mbuird
air a marbhaidis [a niodhbhartha.]
42 Agus do chlochaibh snoighte na
ceithre buird chum na hofrala loisge,
cubhad go leith ar fad, & cubhad go
leith air leithead iad, & áon chubhad air
áirde: air a leagaidis mar an ccéadna
na hionstrumente le marbhaidis a nof-
ráil & a niodhbhairt loisge.
43 Agus do bhádar crúcaidh iaruinn
[...] leithead baise taóibh a stigh ar na
[...]ghadh timchioll fa ccuáirt:
agus do bhí feoil na hofrála air na
boirdibh.
44 Agus taóibh a muigh don ghea-
ta a stigh, do bhádar séomradha an
lucht ceoil annsa cháirt dob fhaide a
steach, noch do bhí ré taóibh an gheata
thuaigh: agus do bhí a radharc leath ris
an ndeisceart: áon ar tháobh an gheata
thoir, & do b'ú a radharc budh thuáigh.
45 Agus a dubhairt sé riom, An seom-
ra so a bhfuil a radharc leath ris an
ndeisceart, is leis na sagartaibh é, lucht
coimhéada chúraim an tighe.
46 Agus is leis na sagartaibh an
seomra a bhfuil a radharc leath ris an
ttuaisceart, lucht coimhéada chúraim
na haltóra: is iad sin mic Shadoc a
measc mhac Lébhi, noch thig a ngar
don Tighearna do mhiniostralacht dó.
47 Marsin do thomhais sé an cháirt
céad cubhad air fad, agus céad cubhad
air leithead ceathairbheannach, agus
an altóir as coinne an tighe.
48 Agus thug sé misi go póirsi an
tighe, agus do thomhais sé gach posta
don phóirsi cúig cubhaid air an ttaói-
bhsi, agus cúig cubhaid air an ttaóibh
oile, agus do bé leithead an gheata
trí cubhaid don taóibhsi, agus trí
cubhaid don taóibh oile.
49 Budh é fad an phóirse fithche
cubhad, & a leithead áon chubhad
déag, & thug sé misi gus na coiscéim-
ibh, iona ndeachadar súas chuige, &
do bhádar piléir ag na postuibh, áon
don taobhsi, & áon don taoibh oile.

CAIB. XLI.

Cuma fioghardha an Teampuill na lean-mhuinn amach.

NA dhiáigh sin thug sé mé chum an
teampuill, agus do thomhais sé na
postadha; sé cubhaid ar leithead air an
ttaóibhse, sé cubhaid ar leithead don
taoibh oile, noch dob é leithead an
tabeirnacuil.
2 Agus do bé leithead an doruis
deich ccubhaid, & dob íad taóibh an
doruis cúig cubhaid ar áontaóibh, &
cúig cubhaid don taóibh oile: agus do
thomhais sé a fhad ceathrachad cubhad,
agus a leithead fithche cubhad.
3 Annsin do chuáidh sé a steach &
do thomhais sé posta an doruis dhá
chubhad, agus an dorus sé cubhaid,
agus do bé leithead an doruis seacht
ccubhaid.
4 Marsin do thomhais sé a fhad fith-
che cubhad, agus a leithead fithche
cubhad as coinne an teampuill; agus
a dubhairt sé riomsa, Isé so an tion-
ad ro náomhtha.
5 Na dhiáigh sin do thomhais sé
balla an tighe sé cubhaid, agus do bé
leithead gach seomra taóibh, ceithre
cubhaid timchioll fa ccuáirt an tighe
air gach taóibh.
6 Agus do budh a trí na seomradha
taóibh, ós cionn a chéile, agus trio-
chad a nórd, agus do chuadar a steach
annsa bhalla noch do bhí don tigh do
na seomradhuibh ttaóibh, timchioll fa
ccuáirt, chor go ngreamuidis, acht ní raibh
greim air bioth aca a mballa an tighe.
7 Agus do bhí foirleithne, agus casadh
fa ccuáirt a ccomhnuidhe chum na
seomradha taóibh, óir do chuáidh ca-
sadh timchioll an tighe súas a ccomh-
nuighe: agus marsin do bhí leithead an
tighe súas, do mhéuduigh sé ón tseom-
ra íochtair gus an tseomra dob
áirde ag an lár.
8 Do chonnairc mé fós áirde an tighe
timchioll fa ccuáirt: do bé bunáit na
seomradha ttaóibh, slat iomlán shé
ccúbhad móra.
9 Do budh cúig cubaid tiuighe an
bhalla, noch do bhí don tseomra
taóibh amuigh, agus do bé ionad na
seomradha ttaóibh, noch do bhí a stigh
an chuid do fágbhadh.
10 Agus do bhí fairsinge fhithchiod
cubhad idir na seomradhaibh timchioll
fa ccuairt an tighe air gach
taoibh.
11 Agus do bhí doirsi na seom-
radha ttaóibh, leath ris a náit do fág-
bhadh, áon dorus don leith thuáigh, &
dorus oile don taóibh theas, & do
bé leithead na háite do fágbhadh, cúig
cubhaid timchioll fa ccuáirt.

12 Anois

12 Anois do bhí an teaghais do bhí
as coinne na háite ar leith, annſa chionn
leath ſhiar, ſeachtmhoghad cubhad ar
leithead, agus do bhí cúig cubhaid ar
thiuighe a mballa na teaghaiſe timchioll
ſa ccuáirt, agus do bé a fhad nóchad
cubhad.
13 Marſin do thomhais ſé an tigh céad
cubhad ar ſad, agus a náit ar leith agus
an teaghais gun a bhalladhuibh céud
cubhad air ſad.
14 Mar an ccéadna do bé leithead aigh-
the an tighe agus na háite ar leith don
taóibh ſhoir, ceud cubhad.
15 Agus do thomhais ſé ſad na tea-
ghaiſe thall as coinne na háite ar leith,
noch do bhí taóibh ſhiar dhí, & a cúin-
nidhe céud cubhad air thaóibh & air an
ttaóibh oile, maille ris an tteampall a
ſtigh, agus póirſeadh na cúirte.
16 Do bhí poſtadha an doruis, agus
na ſuinnéoga cumhga, agus na hionaid
ſpaiſteoireachda timchioll ſa ccuáirt air
a ttrí loſta, thall as coinne an doruis
foluighthe le hadhmad timchioll ſa
ccuáirt, agus air an ttalamh ſúas gus na
ſuinneógaibh, agus do bhádar na ſuinneo-
ga ar na bhfolach.
17 Agus an náit ós cionn an doruis,
eadhon gus an dtigh do bfhaide a ſteach,
agus a muigh, agus ris an mballa uile
timchioll ſa ccuairt táobh a ſtigh agus
amuigh, maille ré tomhas.
18 Agus do rinneadh é le Cherubinibh
agus le crannuibh pailme, iondus go
raibh crann pailme idir cherub agus
cherub, agus do bhí dhá aghaidh air
gach aòin cherub.
19 Iondus go raibh aghaidh dhuine
leath ris an ccrann pailme daóintaóibh.
agus aghaidh leomhuin óig leath ris an
ccrann pailme don taóibh oile ; do bhí
ſé déanta air feadh an tighe timchioll
ſa ccuáirt.
20 Do bhí cherubinigh ar na ndéa-
namh agus crainn phailme ón ttalamh
go hós cionn an doruis, agus air bhalla
an teampuill.
21 Da bhádar poſtadha an teampuill
ceathairbheannach, & adhaigh na ſanc-
tóra ; a ttaisbéanadh ionann re chéile.
22 Do bhí a naltóir mhaide trí cu-
bhaid ar áirde, agus dhá chubhad ar
ſad, agus do bhí a beanna, agus a ſad,
agus a balladha dadhmad : agus a du-
bhairt ſé riom, Iſé ſo an bórd atá a
bhfiaghnuiſe an Tighearna.
23 Agus do bhí dhá dhorus air an
tteampall, agus air án tſanctóir.
24 Agus do bhí dhá dhuilleóig aig
gach dorus don dá dhorus ; dhá dhuil-
leóig ſillte, dhá dhúilleóig dáondorus,
agus dhá dhuilleóig don dorus oile.
25 Agus do bhí déunta orra, ea-
dhon air dhoirſibh an teampuill, cheru-
binigh agus crainn phailme, amhail do
rinneadh air an mballa, agus do bhádar
cláruigh tiugha air aghaidh an phóirſe
amuigh.
26 Agus do bhádar ſuinnéoga [illegible]
agus crainn phailme air an ttaóibh [illegible]
air an ttaóibh oile air thaóibh [illegible]
phóirſi, agus air ſheomradhuibh [illegible]
an tighe, agus cláruigh tiugha.

CAIB. XLII.

Cumadhſireacht ſhoilitheamhuil an teampuill, ar na crìochnughadh.

ANnſin thug ſé amach mé [illegible]
ccúirt amuigh, an tſlighe [illegible]
an ttuáiſceirt, agus thug ſé a ſteach [illegible]
ſeomradhuibh mé do bhí thall [illegible]
ne na háite ár leith, agus [illegible]
ós coinne an tighe leath ris [illegible]
thuáigh.
2 As coinne fhad chéad cubhad, [illegible]
an dorus a ttuáigh, agus a leithead [illegible]
gad cubad.
3 Thall as coinne na bhfithchiod [illegible]
bhad, noch do bhí don chúirt a [illegible]
agus thall as coinne na pábhála [illegible]
don chúirt amuigh, do bhí áit [illegible]
rachda ar aghaidh áite ſpaisdeoir [illegible]
a ttri teaghaiſibh.
4 Agus do bhí as coinne an [illegible]
áit ſpaiſdeóireachta deich ccubhaid [illegible]
leithead taobh a ſtigh, ſlighe áon [illegible]
& a ndoirſi leath ris an ttuáiſceirt.
5 Anois do budh giorra na [illegible]
úachdair : óir dob áirde na [illegible]
ſpaiſteóireachda ná iadſo, [illegible]
taruigh, agus ná lár an tighe.
6 Oir do bhádar a ttrí [illegible]
acht ní rabhadar piléir aca [illegible]
na ccúirteann : uimeſin do [illegible]
a nobair ní is mó ná an [illegible], agus
ná an meadhon ón ttalamh.
7 Agus do bhí cáogad [illegible]
an bhalla do bhí amuigh thall [illegible]
ne na ſeomradh leath ris an [illegible]
amuigh air aghaidh thoſuigh [illegible]
radh.
8 Oir do bé ſad na ſeomradha, [illegible]
do bhí annſa chùirt amuigh, cáogad cu-
bhad : agus féuch, as coinne an tea-
puill do bhádar céad cubhad.
9 Agus faói na ſeomradhuibh [illegible]
bhí dul a ſteach don taóibh [illegible]
mar théid áon chuca ón [illegible]
muigh.
10 Do bhádar na ſeomradha [illegible]
gheadas bhalla na cúirte leath [illegible]
thear, thall as coinne na háite ar [illegible]
thall as coinne na hoibre.
11 Agus do bhí an tſlighe as a [illegible]
ne a ccoſamhlachd thaisbéanta [illegible]
mradh, noch do bhí leath ris [illegible]
ceart ccomfhad ríu, agus [illegible]
than ríu, agus do bhí a nimtheacht [illegible]
mach uile aráon do réir a nimdh[illegible]
agus do réir a ndoruis.
12 Agus do réir dhoruis na [illegible]

[illegible] do bhí leath ris an ndeisceart
[illegible] bhí dorus a ccionn na slígheadh, an
[illegible] go díreach as coinne an bhalla
[illegible] ris a noirthear, mar théid aon a
[illegible] ionta.
13 Annsin a dubhairt seision riomsa
[illegible] seomradha budh thuaigh & na seom-
[illegible] budh dheas atá as coinne na háite
[illegible] leith, is seomradha naomhtha íad,
[illegible] a niosuid na sagairt thig a ngar
don Tighearna, na neithe ro naomhtha:
annsin cuirfid siad na neithe ro naomh-
tha, agus a nofráil bídh, agus a nofráil
[illegible]peacaidh, agus a nofráil sháruighthe:
[illegible] is náomhtha a náit.
14 An tan rachaid na sagairt ionta a
[illegible], annsin ní rachaid siad amach as
[illegible] náomhtha don chúirt amuigh,
[illegible] leagfuid a néaduighe annsin iona
[illegible]: óir atáid náomhtha, agus
[illegible] a néaduighe eile orra, agus
[illegible] a ngar do na neithibhsi, noch
[illegible] ris an bpobal.
15 Anois an tan do chríochnuigh sé
[illegible] an tighe a stigh, thug sé amach
[illegible] léath ris an ngeata a bhfuil a ra-
[illegible] leath soir, agus do thomhais sa
[illegible] é.
16 Do thomhais sé an táobh shoir
[illegible] an tslat thomhais, cúig chéad slat
[illegible] an tslait thomhais timchioll sa
[illegible].
17 Do thomhais sé an taóibh thuáigh
[illegible] chéad slat leis an tslait thomhais
[illegible] sa ccuáirt.
18 Do thomhais sé an taóibh theas,
[illegible] chéad slat leis an tslait thomhais.
19 Díll sé sa ccuáirt gus an ttaóibh
[illegible], agus do thomhais sé cúig chéad
[illegible] leis an tslait thomhais.
20 Do thomhais sé é air na ceithre
[illegible]; do bhi balla aige timchioll sa
[illegible] cúig chead slat air fad, agus
[illegible] chéad ar leithead, do dhéanamh
[illegible] eidir an tsanctóir agus a
[illegible] neamh-náomhtha.

CAIB. XLIII.

[illegible] fiaghnaise lonnracha Dé, a [illegible] féin gu bràth.

NA dhiaigh sin, thug sé chum an
ngheata mé, an geata fhéuchus
[illegible] soir.
2 Agus féuch, tháinic glóir Dé Israel as
[illegible] slighe a noir, & do bhí a fhuáim a-
[illegible] fuáim mhóráin uisceadh, agus do
[illegible] an talamh le na ghlóir.
3 Agus do bhi do réir thaisbéanta
[illegible] do chonnairc mé, eadhon do réir
[illegible] do chonnairc mé an tan tháinic
[illegible] do scrios na caithreach: agus bá
[illegible] na fise ris an bhfis do chonnairc
[illegible] ag sruth Chebar: agus do thuit mé
[illegible] aghaidh.
4 Agus tháinic glòir an Tighearna don
[illegible] a slighe an gheata a bhfuil a ra-
[illegible] don leath shoir,
5 Marsin do thóig an spiorad suas mé
agus thug don chúirt dob faide a steach
mé: agus féuch, do líon glóir an Tigh-
earna an tigh.
6 Agus do chúalaidh mé é labhairt
riom amach as an ttigh, agus do sheas
an duine láimh riom.
7 Agus a dubhairt sé riom, A mhic
an duine, áit mó chathaóire ríogha, agus
áit bhonn mo chos iona náitreocha mé a
lár chloinne Israel go bráth, agus
mainm náomhtha, ní shaileochuidh tigh
Israel ní as mó, neachtar dhíobh, íad
féin nó a Ríghthe le na stríopachus, nó
le conblachaibh a Ríogh iona náitibh
árda.
8 A suighiughadh a ttairseach ag mó
tháirseachaibhsi, agus a bpostadh ag mo
phostadhuibhsi, agus an bhalla eadrum
féin agus íad, do thruáilliodar cheana
mainm náomhtha le na ngráineamh-
lachdaibh do rinneadar: uimesin do
dhíothlaithrigh mé íad ann mfeirg.
9 Anois cuirdís úatha a stríopachus,
agus conablachá a Ríogh a bhfad
uaim, agus do dhéana mé comhnuighe
iona lár go bráth.
10 A mhic an duine, taisbéin an
tigh do thigh Israel, iondus go mbía
náire a bpeacadh orra, toimhsídis an
sompla.
11 Agus má bhid náireach sa nuile ní
dá ndéarnadar, taisbéin cuma an tighe
dhóibh, agus a ghleus, agus a dhul a-
mach, agus a theacht a steach, agus a
uile fhoirm, agus a uile órduighthe, agus
a uile chuma, agus a uile dhlighthe:
agus scriobh iona radharc è, chor go
ccoimhéadfuid síad a uile fhoirm, agus
a órduighthe uile, agus go ndéanuid
síad íad.
12 Isé so dligheadh an tighe: air
mhullach an tsléibhe biáidh a théoruinn
iomlán sa ccuáirt ro náomhtha: féuch,
isé so dligheadh an tighe:
13 Agus síad so tombais na hal-
tóra do réir na ccubhad; is cu-
bhad agus leithiod baise an cubhad;
eadhon budh cubhad a íochtar, agus a
a leithne cubhad, agus budh réise a imeal
agá bhruachaibh timchioll sa ccuáirt,
agus budh í so cuid is áirde do nal-
tóir.
14 Agus biáidh dhá chubhad ó níoch-
tar ar an ttalamh go nuige an sui-
ghiughadh íochtarach, agus aonchubhad
a leithne; agus ón tsuighiughadh is lu-
gha gus an tsuighiughadh is mó, ceith-
re cubhaid, agus a leithne aonchu-
bhad.
15 Marsin budh ceithre cubhaid a
naltóir, agus ó naltóir, agus ós a chionn
biaidh ceithre beanna.
16 Biáidh a naltóir dhá cubhad déag
air fad, á dó dhéag ar leithne, ceathair-
bheannach iona ceithre ceathramhnaibh.
17 Agus biáidh an suigheachadh ceith-
re cubháid déag air fad, agus a ceath-
airdéag air leithead ann a choirneuluibh.
agus

agus budh leath chubhád a hiomal fa
ccuairt, agus budh cubhad fa ccuairt a
hiochtar, agus féuchfuid a ſtaighreadha
leath ſoir.
18 Agus a dubhairt ſé riomſa, A mhic
an duine, is marſo a deir an Tighearna
Día, Iſiadſo órduighthe na haltóra annſa
ló a ndéanuid í, dofrail íodhbartha
loiſge uirre, agus do chrothadh fola
uirre.
19 Agus do bhéara tú do na
ſagartaibh na Lebhitigh bhios do ſhíol
Shadoc, noch thig a ngar dhamhſa do
mhinioſtralacht damh, a deir an Ti-
ghearna Día, bulóg óg mar ofráil
pheacaidh.
20 Agus glacfuidh tú dhá fhuil ſin,
agus cuirſe tú air a cheithre beannuibh,
agus air cheithre coirnéaluibh an tſui-
dheachadh, agus air a nimiol timchioll
fa ccuairt: is marſo ghlanfas tú, agus
ſcagfas tú é.
21 Glacfa tú fós bulóg na hofrála
peacaidh, agus loiſgfidh tú annſa náit
orduighthe é don tigh, táobh amuigh don
tſanctóir.
22 Agus air an dara lá ofráilfidh tú
meannán do na gabhruibh gan cháidhe
mar ofráil pheacaidh, agus glanfuid a
naltóir, mar do ghlanadar í leis an
mbulóig.
23 An tan chríochnochus tú a glan-
adh: ofráilfidh tú bulóg óg gan
cháidhe, agus reithe as an ttréad, gan
toibhéim.
24 Agus ofráilfidh tú íad a la-
thair an Tighearna, agus teilgfid na
ſagairt ſalann orra, agus ofrálfuid
ſúas íad mar ofrail loiſge don Tigh-
earna.
25 Seacht lá ghléasfas tú gach
aon lá gabhar mar ofráil pheacaidh:
gléasfuid ſiadſan fós bulóg óg,
agus reithe as an ttréud gan chái-
dhe.
26 Glanfuid ſiad a naltóir ſeacht lá,
agus ſirníamhluid í, agus beinneochuid
íad féin.
27 Agus an tan chríochnochthar na
láetheſi, aſeadh bhias air, a nochtmhadh
lá, agus mar ſin ſúas, go ndéanuid na
ſagairt bhur nofrala loiſge air a nal-
tóir, agus bhur nofrála ſíothchána;
agus géabha miſi ſibhſi, a deir an Ti-
ghearna Día.

CAIB. XLIV.

Na dabine, & an tſlighe rachus a ſteach don naomh-joſdadh.

AN ſin thug ſé mé ar mais a ſlighe
gheata na ſanctora amuigh, noch
fhéuchus leath ris an ttaóibh ſhoir, agus
do bhí ſé druite.
2 Annſin a dubhairt an Tighearna
riom, Biáidh an geataſo druite, ní hoiſ-
33 Air a nuáirsin féin do coimhlíonadh an ní air Nebuchadnessar, agus do díocuireadh ó dhaóinibh é, agus a dúigh sé féur amhuil daimh, agus do bhí a chorp fliuch lé drúcht neimhe, nó gur fhás a ghruág amhuil [cleiteach] iolair, agus a ingne amhuil crobhaibh éun.

34 Agus a ccionn na láetheadhsin misi Nebuchadnessar, do thóig mé súas mo shúile chum neimhe, agus dfill mo thuigsi chugam, agus do bheannuidh mé an té is ro áirde, agus do mhol mé, agus donóruighios an té mhairios go bráth, noch ar tighearnus síorruighe a thighearnus, agus agá bhfuil a ríoghachd ó ghinealach go ginealach.

35 Agus meastar uile áitreabhthuigh na talmhan amhuil neimhní: agus do ní seision do réir a thola féin ar shlúagh neimhe, & a measc áitreabhthach na talmhan: agus ní fhéadann duine ar bioth a lámh do chosg, nó a rádh ris, Cred do ní tú?

36 Annsan namsin féin dfill mo chiall chugam, & air son ghlóire mo ríoghachda dfill monóir, agus mo dhéalradh chugam: agus diarradar mo chomhairligh, agus mo thighearnadha mé, agus do dhaingnigheadh ann mo ríoghachd mé, agus tugadh tuilleamh mórdhacht oirdhearca dhamh.

37 Anois, misi Nebuchadnessar molaim, agus árduighim, agus onóruighim Rígh neimhe, ar fírinne a oibreacha uile, agus gur breitheamhnus a shlighthe, agus an drong shiubhluighios a nuabhar, féuduigh sé a nísliughadh.

CAIB. V.

Smacht Bhelsassar déis a chráos & a phótaireacht.

DO rinne an Rígh Belsassar féusta mór do mhíle dhá thighearnadhaibh, agus dibh sé fíon as coinne an mhíle sin.

2 Dáithin Belsassar an fad do bhí sé ag blasadh a nfíona, na soighthighe óir agus airgid do thabhairt chuige, noch thug a athair Nebuchadnessar as an tteampall ó Jerusalem, chor go níobhadh an Rígh agus a phrionnsadha, a mhná agus a leannáin deoch asda.

3 Annsin thugadar leó na soighthighe óir rugadh as an tteampall ó thigh Dé, noch do bhí ann Ierusalem, & dibh an Rígh agus a phrionnsadha, a mhná agus a leannáin deoch asta.

4 Dibhiodar fíon, agus do mholadar na dée óir, agus airgid, agus práis, agus íaruinn, agus crainn, agus cloiche.

5 Fa namsin féin tháinic amach méur láimhe duine, agus do scríobh thall as coinne an choinnleóra, ar phlástráil bhalla phaláis an Rígh; & do chonnairc an Rígh an chuid don láimh do scríobh.

6 Annsin dáthruigh gnúis an Rígh; agus do bhuáidhreadar a smuaintighthe é, iondus go rabhadar ailt a leasruigh scaóilte, agus gur bhuáiliodar a ghlúine a naghaidh a chéile.

7 Dfúagair an Rígh go hárd, na hastroluighthe, na Caldéanuigh, agús an lucht fáisdine do thabhairt a steach; agus do labhair an Rígh, agus a dubhairt ré daóinibh eagnuighe na Babilóine, Gidh bé ar bioth léighfios an scríbhinnsi, agus thaisbeansus a ciall damhsa, éideochar é lé scáirléad, agus do gheabhuidh sé slabhradh óir timchioll a bhrághad, agus biáidh sé na threas úachtarán san ríoghacht.

8 Annsin thángadar uile dhaóine críonna an Rígh a steach, agus níor fhéadadar an scríbhinn do léaghadh, nó a ciall dinnisin don Rígh.

9 Annsin do bhí an Rígh Belsassar ar na bhuaidhreadh go mór, agus dathruigh a chruth uime; agus do bhádar a thighearnadha míoshuáimhneach.

10 Anois tháinic an bhainríoghan do bhrigh bhriathar an Rígh, agus a thighearnadh, go tigh na fleidhe; & do labhair an bhainríoghan, & a dubhairt, A Rígh, mair go bráth: ná buáidhreadh do smuaintighthe thú, agus ná háthruigheadh do ghnúis.

11 Atá duine ann do ríoghachd iona bhfuil spiorad na ndée naomh, & a láethibh hathar frith solus, & tuicse, agus eagna ann, cosmhuil ré heagna na ndée: noch dá ndéarna an Rígh Nebuchadnessar hathair, an Rígh, a deirim hathair, maighistir ar na draóithibh, air na hastroluighthibh, air na Caldeánachaibh, agus air na fáistineachaibh.

12 Do bhrígh gur frith spiorad oirdheirc, agus eolus, agus tuigsi, ciallughadh aislingtheadh, & taisbeanadh cceasttann ccruáidh, agus fúascladh cuntabhart annsa Dániel sin, dá ngoireadh an Rígh Beltesassar; a nois goirthear Dániel, agus foillseochuidh sé an chiall.

13 Annsin rugadh Dániel a steach a láthair an Rígh, agus do labhair an Rígh, agus a dubhairt ré Dániel, An tusa an Dániel úd, noch atá do chlainn daóirsine Júdah, noch thug an Rígh mo athair as tír Júduighe?

14 Do chualaidh misi iomrádh dot thaóibh, go bhfuil spiorad na ndée ionnad, agus gur frith solus, agus tuicsi, agus eagna oirdheirc ionnad.

15 Agus anois tugadh na daóine

 gliocа

glioca, agus na haſtroluighthe a ſteach
dom lathairſe, iondus go leighdis an
ſcribhinnſe, agus a ciall dfoillſiughadh
dhamh: acht níor fhéadadar ciall an
neithe dfoillſiughadh.
16 Agus do chúala mé dot thaoibh-
ſi, go bhféudann tú ciallughadh, agus
fúaſcladh ceaſtann, a nois má fhéadann
tú an ſcribhinnſi do léaghadh, agus a
ciall dinniſin damhſa, éideochar lé
ſcáirléad thú, agus biáidh ſlabhradh óir
fád bhrághaid, agus biáidh tú ad threas
úachdarán annſa rioghacht.
17 Annſin do fhreagair Dániel, agus
a dubhairt a lathair an Rígh, Bidís do
bhronta agad féin, agus tabhair do
luáigheachd do neach oile, gidheadh
léighfidſa an ſcríbhinn don Rígh, agus
foillſeocha mé a ciall dó.
18 Thuſa a Rìgh, thug an Dia is ro
áirde dot athair Nebuchadneſſar riogh-
achd, agus mordhachd, agus glóir, &
onóir.
19 Agus do bhrígh na mórdhachda
thug ſé dhó, do chriothnuighiodar a
nuile phobal, cineadhacha, agus teang-
tha, agus do bhí eagla orra, roimhe:
do mharbhadh ſé án té do thogradh ſé
féin, do chongmhadh ſé beo an tí do
thogradh ſé, agus do chuireadh ſé ſúas
an tí thogradh, agus do chuireadh
ſíos an tí do báill leis.
20 Acht an tan do tógbhadh a chroi-
idhe ſúas, agus do chruáidh a inntin a
miabhar, do cuireadh as a chathaoir
rioghae é, & do bheanadar a ghlóir dhe.
21 Agus do díothchuireadh é ó mhac-
aibh na ndaóine, agus do rinneadh a
chroidhe coſmhuil ris na beathachaibh,
agus do bhí a chomhnuidhe a bhfochair
na naſſal bhfiadhta: do bhiathadar é
lé féur, amhuil daimh, agus do bhí a
chorp fliuch lé drúcht neimhe, nó gur
thuig ſé gur bé an Dia is ro áirde riagh-
las a rioghachd na ndaóine, agus go
nórduighionn ſé ós a ccionn an té is áill
leis.
22 Agus thuſa a mhacſan, a Bhelſaſ-
ſar, níor umhluigh tú do chroidhe, gidh
gur bhfeas duit ſo uile.
23 Acht dárduighis thû féin a nagh-
aidh Thighearna neimhe, agus thugadar
ſoighthighe a thighe ann thfiaghnuiſi,
agus dibh tuſa agus do thighearnadha,
do mhná agus do leannáin, fíon aſda,
agus do mhol tú na dée airgid agus
óir, p ráis, iaruinn, crainn, & cloiche,
nach bhfaicionn, nach ccluin, agus nach
feaſach: agus ní thug tú glóir do Dhia
a láimh a bhfuil hanál, agus gur leis
huile ſhlighthe.
24 Annſin do cuireadh an chuid don
láimh uadha, agus do ſcríobhadh an
Scribhinnſi.
25 Agus ſi ſo an Scríbhinn do ſcrío-
bhadh, Mene, Mene, Tecel, Upharſin.
26 Iſi ſo ciall na bhfocal, Mene,
Dáirimh Dia do rioghacht, agus do
chríochnuigh ſé í.
27 Tecel, Do toimhſeadh thú ameá-
meadh, agus do fríth easbhuidheach thú.
28 Peres, Do roinneadh do rioghachd,
agus tugadh do na Medianachaibh agus
do na Perſianachaibh í.
29 Annſin dfúagair Belſaſſar, agus
déaduigheadar Dániel le ſcáirléad, agus
lé ſlabhradh óir fá na bhrághaid, agus
thugadar fógra dha thaóibh go mbiadh
ſé na threas úachdarán ſan rioghachd.
30 A noidhcheſin do marbhadh Bel-
ſaſſar Rígh na Ccaldeánach.
31 Agus do ghlac Dárius an Médi-
anach an rioghachd, ar mbeith dhó
timchioll thri bhfithchid agus dá bhli-
adhan daóis.

CAIB. VI.

Chuir tnúth na nuachdaráin, Daniel a nuáimh na leomban, as ar ſháor Dia í.

DO budh toil lé Darius céad agus
fithche prionnſa do chur ós cionn
na rioghachda, noch do bhíadh ós
cionn na rioghachda uile.
2 Agus ós a ccionn ſo trí huachdaráin
(ar bhé Dániel an chéaidfhear dhíobh)
lé ttiubhraidís na prionnſadha a ccuntas
dóibh, agus nach bíadh damaiſte air
an Rígh.
3 Anois do thoghadh an Dánielſe ós
cionn na nuachdarán, agus na bprionn-
ſadh, do bhrígh go raibh ſpiorad oir-
dheirc ann, & do bhreathnuigh an Rígh
a chur ós cionn na rioghachda uile.
4 Annſin do ſmáaineadar na huach-
daráin, & na prionnſadha cúis dfagháil
a naghaidh Dhániel a ttaobh na riogh-
achda, achd níor fhéadadar cúis ar
bioth nó lochd dfághail ann: do bhrígh
go raibh ſé fírinneach, ní mó fríth ear-
ráid ná lochd ann.
5 Annſin a dubhradar an mhuintirſe,
Ní bhfuigheam cuis as bioth a naghaidh
an Danielſi, muna bhfagham í na aghaidh
a ttáobh dhlighe a Dhé.
6 Annſin do chruinnigheadar na huach-
daráinſi agus na prionnſadha a ccionn
a chéile a lathair an Rígh, agus a dubh-
radar marſo ris, A Rígh Dárius, mair
go bráth.
7 Do chomhairlighiodar uile úachda-
ráin na rioghachda, na riaghlóirigh, na
prionnſadha, na comhairligh, agus na
caiptínigh lé chéile, ſtatúid ríoghamhuil
do dhaingniughadh, agus órdughadh
daingion do dhéanamh, Gidh bé iarrfas
athchuinge ar bioth air dhia air bith nó
air dhuine, air feadh tríochad lá, acht
ortſa, a Rígh, a theilgion a nuaimh na
leomhan.
8 Anois, a Rígh, daingnidh an tór-
dughadh, agus ſéuluidh an ſcribhinn,
iondus nach áthruighthior é, do réir dhli-
ghe na Médianach agus na Bperſianach
nach áthruighionn.
9 Uimeſin do ſhéuluidh an Rígh Dá-
rius an ſcribhinn, agus an dligheadh.
10 Anois an tan do thuig Dániel gur
ſéuladh

ſéuladh an ſcríbhinn, do chuaidh ſé dhá
thigh, agus ar mbeith da fhuinneóig oſ-
cuilte iona ſheomra leath ré Jeruſalem,
do léig ſé ſíos air a ghlúinibh é, trí
huáire ſan ló, agus do ghuidh ſé, agus
rug buidheachus a bhfíaghnuiſe a Dhé,
mar do níodh ſé ſan naimſir roimhe.
11 Annſin do chruinnigheadar na
daóineſi, & fúaradar Dániel ag urnaigh-
the, agus ag déanamh gearáin a lathair
a Dhé.
12 Annſin thangadar a bhfogus, & do
labhradar a bhfíaghnuiſi an Rígh, attaobh
fhóagartha an Rígh; Nach ar ſhéal-
uidh tuſa dligheadh, gach uile dhuine dá
níarradh athchuinge ar dhía ar bith nó
air dhuine, táobh a ſtigh do thríochad
lá, acht ortſa, a Rígh, go tteilgfidhe a
nuáimh na leomhan é? do fhreagair an
Rígh, & a dubhairt ſe, Is fìor an ní do
réir dhlighe na Médianach, & na Bper-
ſianach, nach áthruighionn.
13 Annſin do fhreagradarſan, agus a
dubhradar a lathair an Rígh, Ní bhfuil
ſuim ag Dániel, noch atá do dhaóirſine
chloinne Júdah ionnadſa, a Rígh, nó ann-
ſa dligheadh do ſhéaluidh tú, acht do
ní ſé iarratas trí huaire ſan ló.
14 An ſin an tan do chualuidh an Rígh
na bríathraſo, do bhí ſé ro fheargach
ris féin, agus do ſhuighidh ſé a chroidhe
ar Dhániel dá ſháoradh: agus doibrigh
ſe go dul gréine faói dá ſháoradh.
15 Anſin do chruinnigheadar an mhuin-
tirſe chum an Rígh, agus a dubhradar ris
an Rígh, Biodh a fhios agad, a Rìgh,
gur bé dligheadh na Médianach agus na
Bperſianach, gan dligheadh ar bioth nó
reachd dá ndaingneocha an Rígh, dáth-
rughadh.
16 Annſin daithin an Rígh, agus thu-
gadar Dániel léo, agus do theilgiodar é
a nuáimh na leomhan: anois do labhair
an Rígh, agus a dubhairt ſé ré Dániel,
Saorfuidh do Dhia thú dá bhfoghnann
tú a ccomhnuidhe.
17 Agus tugadh cloch agus do leagadh
ar bhéul na huamha í, & do ſhéaluidh an
Rígh le na ſhignead féin í, & le ſignéad
a thighearnadha, iondus nach háthroch-
uidh an tionnſgnamh a ttáobh Dhániel.
18 Annſin do chuáidh an Rígh da phá-
lis, agus do chaith ſé a noidhche na
throſgadh: ni mó tugadh adhbha chiúil
da lathair, & do chuáidh a chodladh uadh.
19 Ann ſin déirigh an Rígh, go ró
mhoch ar maidin, agus do chuáidh ſé
go deithniosach go huáimh na leomhan.
20 Agus an tan tháinic ſé chum na húa-
mha, do ghoir ſé maille re guth trúa-
ghanta ar Dhániel, & do labhair an
Rígh, agus a dubhairt re Dániel, A Dhá-
niel, a ſherbhiſigh Dé bhí, an féidir le
do Dhía dar fhoghain tú a ccomhnuidhe,
do ſháoradh ó na leomhanuibh?
21 Annſin a dubhairt Dániel ris an
Rígh, A Rígh, mair go bráth.
22 Do chuir mo Dhía a aingiol, agus
do dhuid ſé béil na leomhan, iondus nar
ghortuigheadar mé: do bhrígh gur frith
neimhchionta ionnam dá lathair: agus
fós ad fhiaghnuiſiſi, a Rígh, ni dhéarna
mé urchóid ar bith.
23 Annſin do bhi an Rígh ro lúath-
gháireach dá thaoibh, agus daithin ſe go
ttugaidís Dániel ſúas as a nuámhuigh:
marſin rugadh Dániel ſúas as a núamh-
uigh, agus níor fríth gné ar bioth dho-
chair air, do bhrigh gur chreid ſe iona
Dhía féin.
24 Agus daithin an Rígh, & thugadar
leó an drong ſin do rinne caſaoid ar
Dhániel, agus do theilgiodar a nuaimh
na leomhan íad féin, agus a mná, agus
a cclann: agus rugadar na leomhuin
buáidh orra, agus do bhriſiodar na ccot-
chaibh a ccnámha ſuil rangadar íochdar
na húamha.
25 Annſin do ſcríobh an Rígh Dárius
chum a nuile phobal, chineadhachar, agus
teangtha, áitreabhus annſa talamh uile,
Go méaduighthear ſíothcháin dibh.
26 Do nímſi órdughadh an gach uile
thighearnas dom ríoghachd, go mbiáidh
crioth, agus uamhan air a nuile roimhe
Dhía Dhániel: óir iſé an Día béo é, &
daingion go bráth, agus iſi a ríoghacht
nach ſgriosfuighear choidhche, agus
biaidh a thighearnas go deireadh.
27 Sáoruidh ſé, agus tárthuighidh ſé,
agus oibrighidh ſé comharthadha agus
ionganta a bhflaitheamhnus, agus annſa
talamh, noch do ſháor Daniel ó chumh-
achd na leomhan.
28 Marſin do chuaidh an Dánielſe air
a aghaidh a ríghe Dhárius agus a ríghe
Chírus an Perſianach.

CAIB. VII.

Atáid na ceithre Monarcacha ba mhó, ſiogh-ráighte fa cheithre bheathachaibh.

ANnſa chéd bhlíadhuin do Bhelſaſſar
Rígh na Babilóine, do chonnairc
Dániel aiſling agus fiſe a chinn air a
leabuidh: annſin do ſcríobh ſé á naiſling,
agus dinnis ſé ſuim na mbríathar.
2 Do labhair Dániel, agus a dubhairt,
Do chonnairc me ann maiſling ſan
noidhche, agus Feuch, do throideadar
ceithre gáotha neimhe air an bhfairge
mhóir.
3 Agus thangadar ceithre beathuigh
móra ſúas as an bhfairge, éagſamhuil
gach áon ó ar oile.
4 Do bhí an céidbheathach amhuil
leomhan, agus do bhádar ſciatháin iol-
air air: do tógbhadh ſúas ón ttalamh
é, agus tugadh air ſeaſamh air na coſ-
aibh amhuil duine, agus tugadh croidhe
duine dhó.
5 Agus Féuch, beathach oile, an
dara, amhail beithir, agus do thóg
ſúas é féin ar tháobh, agus do bhí
trí aſna iona bhéul idir a fhia-

claibh: agus a dubhradar marſo ris,
Eirigh, ſluig mórán feóla.
6 Ná diháighſo do chonnairc mé,
agus Féuch, aon oile amhuil liopard,
agá raibh ceithre ſciatháin éin air a
dhruim, ceithre cinn ſós air an mbea-
thach, agus tugadh tighearnas dó.
7 Na dhiáigh ſo do chonnairc mé a
naiſlingthibh na hoidhche, & Féuch
an ceathramhadh beathach, úamhnach
agus imeaglach, agus ro neartmhar, &
do bhádar fíacla móra íaruinn aige:
do ſhluig ſé, agus do bhris a mblodh-
uibh an chuid oile le na choſaibh;
agus dob éagſamhuil é do nuile bhea-
thach tháinic roimhe, agus do bhádar
deich nadharca air.
8 Do mheas mé na hadharca, agus
Féuch, tháinic ſúas iona meaſg adharc
bheag oile, roimhe a raibh a trí do
na hadharcaibh oile tairngthe ſúas as
a bhfréumhuibh: agus Féuch, annſa
nadhaircſi do bhádar ſúile coſmhuil ré
ſúilibh duine, agus béul ag labhairt
neithe móra.
9 Dféuch mé nó gur teilgeadh na
cathaoire ríogha ſios; agus do ſhuigh
ſinſior na laétheadh, agá ráibh a chu-
laidh coimhgheal lé ſneachda, agus
grúag a chinn amhuil olann mhín: budh
coſmhuil a chathaóir ríogha lé laſair
theineadh, agus a riothleáin amhuil
teine loiſcnigh.
10 Tháinic ſruth tinntighe amach,
agus tháinic amach as a choinne:
do bhí míle do mhíltibh ag minioſt-
rálachd dó, agus deich míle uáir deich
míle do ſheas as a choinne: do ſui-
gheadh an breitheamhnus, agus do
hoſcladh na leabhair.
11 Dféuch mé annſin do bhrígh gho-
tha na mbriathar mór do labhair a
nadharc: dféuch mé, nó gur marbh-
adh an beathach, agus gur milleadh a
chorp, agus gur tugadh don laſair thin-
tighe é.
12 A ttaobh na coda oile do na bea-
thachaibh, do beanadh a ttighearnus
diobh: gidheadh do faduigheadh a
mbeatha, air feadh tamuill agus aimſire.
13 Do chonnairc mé a bhfiſibh na
hoidhche, agus Féuch, tháinic áon
coſmhuil re mac duine lé neulluibh
neimhe, agus tháinic ſé chum ſinſir
na laetheadh, agus thugadar a bhfogus
dá lathair é.
14 Agus tugadh tighearnas, agus
glóir dhó, agus ríoghacht, chor go
bhfoghnadh a nuile phobal, cineadh, &
teangtha dhó: is tighearnas ſíorruidhe
a thighearnas, nach nimeochaidh thort,
agus ſí a ríoghacht nach díoghbháigh-
fighear.
15 Do bhí miſi Dániel doilghio-
ſach ann mo ſpioraid a lár mo chuirp,
agus do bhuáidhriodar fiſe mo chinn
mé.
16 Tháinic mé a bhfogus dáon
díobh do ſheas a ccomghar, agus dfiaf-
ruigh mé a fhírinne ſo uile dhe: annſin
dinnis ſé dhamh, agus thug orum fios
céille na neithionn do bheith agam.
17 Is ceithre Ríghthe na ceithre
beathuigh mhóraſa, noch éireochus as
an ttalamh.
18 Acht géabhuid naóimh an té is
ro áirde an ríoghachd, agus ſealbhoch-
uid an ríoghachd go bráth, go ſio-
ghal na ſáoghal.
19 Annſin budh mían liom fios fír-
inne an cheathramhadh bheathuigh
dfaghail, noch dob éagſamhuil ón ccuid
oile uile, ro úathbháſach, a rabhadar
a fhiacla díarann, agus a ingne do
phrás, noch do ſhluig, do bhris a mblo-
dhuibh, agus do bhrúigh an chuid oile
le na choſaibh,
20 Agus na ndeich nadharc, do bhí
ar a cheann, agus a naóin oile tháinic
ſúas, agus roimhe ar thuitiodar triar,
eadhon na hadhairce agá rabhadar ſúile,
agus béul do labhair neithe ro mhóra,
a raibh a fhéuchuin nioſa ró árrthach-
da náid a chompanuigh.
21 Do chonnairc mé, agus do rinne
a nadharc chéadnaſo cogadh ris na
naomhuibh, agus do rug buaidh orra.
22 Nó go ttáinic ſinſior na laétheadh,
agus tugadh breitheamhnus do náomh-
uibh an té is ro áirde: agus tháinic
an tan gur ſhealbhuigheadar na
naóimh an ríoghacht.
23 Is marſo a dubhairt ſé, Budh é
an ceathramhadh beathach, an ceathra-
mhadh ríoghachd air an ttalamh, noch
bhías éagſamhuil ó nuile ríoghachd, &
ſluigfidh ſé an talamh go hiomlán, &
ſailteoruidh ſé ſíos é, agus briſfidh a
mblodhuibh é:
24 Agus is deich Ríghthe na deich
nadharca éireochus as an ríoghachd ſo:
agus éireochuidh Rígh oile na ndiaigh,
agus budh éaccoſmhuil ón chéid Rígh
é, agus claóidhfidh ſé trí Ríghthe.
25 Agus laibheora ſé bríathra móra
a naghaidhh an té is ro áirde, agus
caithfidh amach naóimh an té is ró
áirde, agus ſaoilfidh aimſiora & dlighthe
dáthrughadh: do bhéarthar iona láimh
íad go haimſir, agus go haimſioruibh,
agus go roinn aimſire.
26 Acht ſuighfidh an breitheamhnus,
agus béaruid a thighearnus úadha, da
dhíoth-laithriughadh, agus da ſcrios go
deireadh.
27 Agus béarthar an ríoghachd, agus
an tighearnas, agus mórdhachd na
ríoghachda faoi neamh go hiomlán, do
mhuintir náomh an té is ró áirde, noch
ar ríoghachd ſíorruidhe a ríoghacht,
agus foigheonuid, agus uimhleochuid a
nuile thighearnas dó.
28 Go nuige ſo atá críoch a nadh-
bhair. Ar mo ſhonſa Dániel, do bhuái-
dhreadar mo ſmuaintighthe go mór
mé, agus dáthruigh mo dhealbh ionnam:

nam: acht do choimhéad mé an chúis ann mo chroídhe.

CAIB. VIII.

Ionlaite & claochlodh iomarach na Nrighreachta.

ANsa treas blíadhain do rioghachd Bhelsassar, do chonncas aisling dhamhsa, dhamhsa Dániel, tar éis an neithe do chonnairc mé a chéaduáir.

2 Agus do chonnairc mé ann a naisling (agus tháinic a ccrich a nuáir do chonnairc mé, go raibh mé ann Susan annsa phális, noch atá a bprobhinnsi Elam) agus do chonnairc mé ann a naisling, agus do bhí mé ag abhuinn Ulai.

3 Annsin do thóig mé súas mo shúile, agus do chonnairc mé, agus Féuch, do sheas as coinne na habhann, reithe air a rabhadar dhá adhairc, agus dob árd an dá adhairc: achd budh áirde áon dí an dara hadharc, agus tháinic a nadharc budh áirde súas fa dheireadh.

4 Do chonnairc mé an reithe ag gabháil dá adharcaibh, síar, agus budh thuaigh, & budh dheas; ionnus nach seasfaidís beathuigh ar bith ris, nó áon do fhéadfadh [neith] do shháoradh as a láimh, acht do rinne do réir a thola féin, agus dfás sé mór.

5 Agus mar do bhí mé ag meas, féuch, tháinic gabhar firionn ó naird shíar, ar adhuigh na talmhan uile, agus níor bhean ris an ttalamh, agus do bhí adharc oirdheirc eidir a shúilibh.

6 Agus tháinic chum an reithe, agá raibh an dá adhairc, noch do chonnairc mé na sheasamh ag a nabhuinn, agus do rioth sé chuige a ccuthach a neirt.

7 Agus do chonnairc mé é ag teachd a bhfogus don reithe, agus do bhí sé lán dfíoch na aghaidh, agus do bhuáil sé an reithe, agus do bhris a dhá adhairc, agus ní raibh cumhachda aig an reithe seasamh ris, achd do theilg sé síos chum na talmhan é, agus do shaltair air: agus ní raibh aon do fhéad an reithe do shháoradh as a laimh.

8 Uimesin dfás an poc romhór, agus an tan do bhí sé láidir, do briseadh a nadharc mhór, agus tháinic iona háit ceithre hadharca móirmheasta leath ré ceithre gáothaibh neimhe.

9 Agus tháinic adharc bheag amach, noch dfás go hanmhór don leath theas, agus don leath shoir, agus leath ris an ndúthaigh aóibhinn.

10 Agus dfás sé mór eadhon go slúagh neimhe, & do theilg síos cuid don tslúagh, agus do na réultuibh gus an ttalamh, agus do shaltair sé orra.

11 Aseadh, do mhóruigh sé é féin eadhon go prionnsa an tsluáigh, agus is leis rugadh-as a níodhbhairt láetheamhuil, agus do teilgiodh síos áit a shanctora.

12 Agus tugadh slúagh dhó a naghaidh na híodhbhartha láetheamhla do bhrígh sáruighthe, agus do theilg síos a nfírinne gus an ttalamh, agus do ghnáthuigh sé, agus tháinic air a aghaidh.

13 Annsin do chúala mé áon náomh ag labhairt, agus a dubhairt náomh oile ris a náomh áirighsin do labhair, Ga fad bhías a naisling a ttaobh na híodhbhartha láetheamhla, agus sáruighthe na haonránachda, do thabhairt aráon na sanctóra, agus an tsluáigh do shaltairt faoi chois?

14 Agus a dubhairt seision riomsa, Go dá mhíle, agus trí chéud lá: annsin glanfuighear an tsanctóir.

15 Agus tárla an tan do chonnairc misi, misi Dániel, a nfis, agus do lorgair mé a cíall, annsin Féuch, do sheas as mo choinne mar thaisbeanadh duine.

16 Agus do chuala mé guth duine eidir bhrúachaibh Ulai, noch do ghoir, agus a dubhairt, A Ghabriel tabhair ar an bhfearso an nfis do thuigsin.

17 Annsin tháinic sé a bhfogus do náit ar sheas mé, agus a nuáir tháinic sé, do bhí mé eaglach, agus do thuit mé air maghaidh: acht a dubhairt seision riom, Tuig a mhic an duine; óir is a ndeireadh na haimsire bhías a naisling.

18 Anois mar do bhí sé ag labhairt riom, do bhí mé a ccodladh throm ar maghaidh leath ris an ttalamh: acht do bhean seision riom, agus do chuir sé súas go díreach mé.

19 Agus a dubhairt sé, Féuch, do bhéara misi ort a fhios do bheith agad cread bhías annsa chrích dheighionuigh an dioghaltais; óir biáidh an deireadh san nam chinte.

20 An reithe do chonnairc tú agá raibh dhá adhairc, isiad sin Ríghthe Média agus Persia.

21 Agus isé an gabhar garbh Rígh na Gréige, agus isé an chéid Rígh a nadharc mhór atá eidir a shúilibh.

22 Ar na bhriseadh sin, a náit ar sheasadar ceathrar súas air a shon, seasfuid ceithre rioghachta súas as an ccineadh: acht ní iona cumhachdaibhsion.

23 Agus san naimsir dheighionuigh a rioghachda, an tan coimhlionfuighear lucht an néigceirt, seasfuidh súas Rígh gnúise bhuirbe, agus ráidhteadh ndorcha do thuicsin.

24 Agus budh cumhachtach a neart; acht ní le na chumhachdaibh fein: agus scriosfuidh sé go hiongantach, agus rachaidh sé air a aghaidh, agus saireochuidh agus scriosfuidh sé na cumhachdaigh, agus na daóine náomhtha.

25 Agus fós tré na ghliocas do bhéara sé biseach air cheilg iona láimh, agus mórfuidh é féin iona chroidhe, agus

lê ſiothcháin ſcriosfaidh ſé iomad : ſeaſfuidh ſe fós ſúas a naghaidh phrionnſa na bprionnſadh, acht briſfighear é a néagmhuis láimhe.

26 Agus is fíor fis an tráthnóna, agus na maidne noch do hinniſeadh ; uimeſin íadhſa ſúas a nfis : óir is a ccionn mhóráin laétheadh bhías ſí.

27 Agus danbhſainnigh miſi Daniel, agus do bhádhas tinn laethe áirigh ; na dhiaighſin déirigh mé ſúas, agus do rinne mé ghnothuighe an Rígh, & do bhí uathbhás orum fa a naiſling ; achd níor thuig duine ar bioth í.

CAIB. IX.

Urnaigh Dhániel arſon muintir an Bbraighdionais, 20 & fáigbeadoireacht na ſeachtmhodhad ſeachtmhuine.

ANnſa chéid bhliadhuin do Dhárius mhac Ahaſuerus do ſhiol na Médianach, noch dá ndéarnadh Rígh ós cionn ríoghachd na Ccaldeánach ;

2 Ann ſa chéidbhliadhuin dá ríoghacht, thuig miſi Dániel lé leabhruibh uibhir na mbliadhan, do tháobh a ttáinic briathar an Tighearna go Jeremiah an faidh, iondus go ccoimhlíonadh ſé ſeachtmhoghad bliadhan a bhfaſughadh Jeruſalem.

3 Agus do chuir mé maghaidh air an Tighearna Día, dá íarruidh le hurnuigh, agus lé gearánuibh maille re troſgadh, agus le ſaicéadach, agus lé luáithreadh.

4 Agus do ghuidh mé chum an Tighearna mo Dhia, agus do rinne mé mo fhaóiſidin, agus a dubhras, A Thighearna an Dia mór bíoghlach, ag comhall an chunnartha agus trócaire don druing ghrádhuighios é, agus don drong choimhéadas a aitheanta.

5 Do pheacuigheamairne, agus do rinneamar éigceart, agus do rinneamar go holc, agus do chogamar, eadhon le dealughadh ód theagaſgaibhſi, agus ód bhreitheamhnuſaibh.

6 Ni mó déiſdeamar le do ſeirbhíſeachaibh na faidhe, noch do labhair annhainmſi lé ar Ríghthibh, re ar bprionnſadhuibh, agus re ar naithribh, agus ré huile phobal na tíre.

7 O a Thighearna, fireantachd dhlighios tuſa, acht ſinne náire aightheach amhuil atá a niugh : do mhuintir Júdah, agus do áitreabhthachaibh Jeruſalem, agus do Iſrael uile atá a bhfogus, agus a nimchéin air feadh na nuile thíorthann, ionar dhíothchuir tuſa íad, do bhrígh a bpeacuidh, noch do pheacuigheadar ad aghaidhſi.

8 O a Thighearna, dlighmidne náire aighthe, ar Ríghthe, ar bprionnſadha, agus ar naithre, do bhrígh gur pheacuigheamar ad aghuidhſi.

9 Re ar Ttighearna Día bheanas trócaire agus maitheamhnus, bíodh gur chathuigheamairne na aghaidh.

10 Ni mó dumhluigheamar do ghuth an Tighearna ar Ndía, do ſhiubhal iona dhlighthibh, noch do chuir ſé romhuinn le na ſheirbhíſeachaibh na faighe.

11 Do ſhíruigh fós Iſrael uile do dhligheadh, agus ſin le filleadh air ais, chor nach éiſdedis red ghuthſa ; uimeſin do dóirteadh an mallughadh oruinn, agus an mionn atá ſcríobhtha a ndligheadh Mhaóiſe ſeirbhiſeach Dé, do bhrígh gur pheacuigheamar na aghaidh.

12 Agus do choimhlíon ſé a bhríathra, noch do labhair ſe ar naghaidh, agus a naghaidh ar mbreitheamhan thug breitheamhnus oruinn, lé tabhairt uilc mhòir oruinn : óir ní déarnadh faói neamh go hiomlán amhuil do rinneadh air Jeruſalem.

13 Amhuil atá ſcríobhtha a ndligheadh Mhaoiſe ; Tháinic an tolcſo uile oruinn : thairis ſin ni dheárnamairne ar nguidhe a bhfíaghnuiſi an Tighearna ar Ndía, ionnus go bfhillfimis ó ar nolc, agus go ttuigfemís thfírinneſi.

14 Uimeſin do fhorfhairigh Día ar a nolc, agus thug ſé oruinne é, óir atá ar Ttighearna ar Ndía fíréanta ann uile oibreachuibh do ní ſé : óir níor umhluigheamairne dá ghuth.

15 Agus a nois, a Thighearna ar Ndía, noch thug do phobal amach as crích na Hégipte le láimh láidir, agus fuáir clú dhuit féin amhuil atá a niugh ; Do pheacuigheamairne, do rinneamar go holc.

16 O a Thighearna, do réir huile fhirèantachd, íarruim dathchuinghe ort, filltear ar ais thfearg, agus thfíochmhaireachd ó do chathruigh Jeruſalem, do ſhlíabh náomhtha : do bhrígh gurob ar ſon ar bpeacuighne, agus ar ſon éigceart ar naithreadh atá Jeruſalem, agus do phobal, na ſcannail do nuile dá bhfuil gacha táobha dhinn.

17 Annois ar a nadhbharſin, O ar Ndía, éiſd guidhe do ſheirbhiſigh agus a ghearáin, agus tabhair air haghaidh déallrughadh air do ſhanctóir atá íonránach, ar ſon an Tighearna.

18 O mo Dhía, cláon do chlúas, & cluin ; oſcuil do ſhúile, agus Féuch ar náonránacht, agus an chathair noch goirthear as hainm : óir ní chuirmidne ar nguidhe dot lathair ar ſon ar nionracuis, acht ar ſon do mhórthrócaireadh féin.

19 O a Thighearna, éiſd, a Thighearna, maith ; a Thighearna cluinn, agus déan, ná mainnigh ar do ſhon féin, O mo Dhia : óir is as hainm goirthear do chathair.

20 Agus an feadh do bhí mé ag labhairt, agus ag guidhe, agus ag admháil mo pheacuigh, agus peacadh mo phobail Iſrael, agus ag cur mo ghearáin a lathair an Tighearna mo Dhía ar ſon ſhléibhe náomhtha mo Dhé :

21 Fó

21 Fós an feadh do bhí mé ag labhairt
a nurnaigh, do bhean riom an fear
céadna Gábriel, noch do chonnairc mé
annſa bhfis ar tús, air ar tugadh eitiol
do dhéanamh go deithnioſach, do bhean
ſé riom a dtimchioll aimſire iodhbar-
tha an tráthnóna.
22 Agus do theagaiſg ſé dhamh, agus
do chomhráidh ſé riom, agus a dubhairt
ſé riom, A Dhániel, thainic miſi an-
nois amach do thabhairt gliocuis agus
tuicſiona dhuitſi.
23 A ttoſach hiarratuis tháinic a
náithne amach, agus atáimſi ar tteachd
dá thaisbeanadh dhuitſi: óir atá tú
ar do ghrádhughadh go ro mhór: uime-
ſin tuig an tadhbhar, agus meas a nfis.
24 Seachtmhoghad ſeachtmhuin do
cinneadh air do phobal, agus air do cha-
thruigh náomhtha do chur críche air
a tſárughadh, agus crioch do chur air
phеacadhuibh, agus do dhéanamh ſioth-
chána ar ſon éigceirt, agus do thabh-
airt fíréantachda ſiorruidhe a ſteach,
agus do ſhéuladh na fiſe ſúas, agus na
tairrghire, agus dungadh an té is ro
náomhtha.
25 Biodh a fhios agad air a nadh-
bharſin agus tuig, go mbia ó dhul a-
mach na háithne Jeruſalem daiſiog, &
do chur ſúas, agus an Meſſiah an prionſa,
ſeachd ſeachtmhuine; agus trí fithchid,
agus dá ſheachtmhuin, cuirfighear an
tſráid ſúas a rís, agus an balla, eadhon
a naimſioruibh buáidheartha.
26 Agus tar éis dá ſheachdmhuin,
agus trí fithchid géarrfuighear amach
Meſſiah, acht ní ar a ſhon féin; agus
ſcriofuidh pobal an phrionnſa thiucfas,
an chathair, agus an tſanctóir, agus
biáidh a ccríoch ſin lé tuile, agus go
deireadh an chogaidh do cinneadh a
monranacht.
27 Agus daingneocha ſé an cunradh
ré morán air feadh aoin tſeachdmhuine:
agus a lár na ſeachdmhuine do bhéara
ſé air a nofráil, agus air a níodhbairt
ſcur, agus do bhrígh foirleithne ghráin-
eamhlachda do dhéana ſé áonránach í,
eadhon go nuige an ccríochnughadh;
agus ſin ar ccinneadh, dóirtfighear é air
a nuáignios.

CAIB. X.

Dfhoilſigheadh do Dhániel fis ghlóire Dé.

ANſa treas bliadhain do Chírus Rígh
na Perſia, do foilſigheadh ní do
Dhaniel (dar bainm Beltesaſſar,) agus
do bhfior an ní, acht dob fhada an
tam cinte, agus do thuig ſé an ní, agus
fuair ſé tuigſe na fiſi.
2 Annſna laéthibhſin do bhí miſi Dá-
niel, ag doilghios trí ſeachdmhuine iom-
lána.
3 Níor ith mé bíadh blaſda ar bioth, ní
mó tháinic feóil nó fíon ann mo bhéul,
ní mó do fhothruighios mé féin ar áon-
chor, nó gur coimhlionadh trí ſeachd-
mhuine iomlána.
4 Agus annſa cheathramhadh la fith-
chiod don chéid mhí, mar do bhí mé
ré táobh na habhann móire, Hiddecel:
5 Annſin do thóig mé mo ſhúile ſúas,
agus do chonnairc mé, agus Féuch, duine
áirigh a néadach lín, agá rabhadar a
leaſrach crioſluighthe lé hór finealta
Uphas.
6 Do budh coſmhuil a chorp mar an
ccéadna lé berill, agus a ghnúis amhuil
thaisbeanadh tinntighe, agus a ſhúile
mar lampadha teineadh, agus a lámha
agus a choſa coſmhuil a ndath ré prás
líomhtha, agus fuáim a bhríathar coſ-
mhuil ré guth mhóráin.
7 Agus miſi Dániel amháin do chon-
nairc a nfis: óir ní fhacadar an mhuin-
tir do bhí am fhochair a nfis, acht do
thuit crioth mór orra, iondus gur
theitheadar dá bhfolach féin.
8 Uimeſin do fágbhadh miſi am
áonar, agus do chonairc mé a naiſling
mhórſo, agus níor fhan ſpracadh ar
bioth ionnam; óir diompóigh mo
mhaiſe ar mhíomhaiſe ionnam, agus
níor chonnaimh mé neart ar bioth.
9 Thairis ſin do chúala mé guth a
bhríathar; annſin do bhí mé a ccodladh
throm air maghaidh, agus méadan leath
ris an ttalamh.
10 Agus Féuch, do bhean lámh riom,
noch do chuir air mo ghlúinibh
me, agus air chláruibh mo dhearnann.
11 Agus a dubhairt ſé riom, a Dhá-
niel, a dhuine air a bhfuil grádh mór,
tuig na bríathra a déara miſi riot, agus
ſeas ſúas go díreach: óir is chugad do
cuireadh mé anois. Agus an tan do
labhair ſé na bríathraſo riom, do ſheas
mé ar crioth.
12 Annſin a dubhairt ſé riom, Ná
heagluidh, a Dhániel: óir ón chéad lá
fár ſhuighidh tú do chroidhe ar thuicſi,
& ar umhluighis thu féin a bhfíaghnuiſi
do Dhé, do chlos do bhríathra, & tháinic
miſi ar ſon do bhríathar.
13 Acht do ſheas prionnſa riogh-
achda na Perſia riom lá agus fithche:
acht Féuch, tháinic Michael aon do
na háird phrionnſadhuibh dom chabhair,
agus do chomhnuigh mé annſin ag
Ríghthibh na Perſia.
14 Anois tháinic mé do thabhairt
ortſa a thuicſin, cred theigeomhus dot
dhaóinibh annſna láethibh deighiona-
cha; óir atá a nfis fós ar feadh mhó-
ráin láetheadh.
15 Agus an tan do labhair ſé a leith-
éid ſin do bhríathruibh, dó chuir mé
maghaidh air an ttalamh, agus do bhí
mé balbh.
16 Agus Féuch, do bhean áon coſ-
mhuil re ſamhuil mhac na ndaóine rem
phuſuibh: annſin dfoſcuil mé mo bhéul,

agus do labhair mé, agus a dubhairt mé
ris an té do ſheas am fhiadhnuiſi, O mo
thighearna, dfilliodar mo dhoilghioſa
orum leis an bhfis, agus níor chonnaimh
mé neart ar bioth.
17 Oir ciondus do fhéadfadh ſeir-
bhiſeach mo thighearna labhairt ris ſo
mo thighearna: óir ar mo ſhonſa, ar ball
níor ſhan brígh ar bioth ionnam, ní mo
do ſágbhadh anál ionnam.
18 Annſin tháinic a rís, agus do
bhean riom áon coſmhuil ré taisbeanadh
duine, agus do neartuigh ſé mé,
19 Agus a dubhairt, A dhuine air a
bhfuil roghrádh, ná biodh eagla ort,
ſiothcháin maille riot, bí láidir, fós bí
láidir. Agus a nuáir do labhair ſé riom,
do neartuigheadh mé, agus a dubhairt
mé, Labhradh mo thighearna: óir do
neartuigh tú mé.
20 Annſin a dubhairt ſé, An bhfeadair
tú cred fa ttáinic miſi ad choinne? agus
anois fillfidh mé do throid ré prionnſa
na Perſia: agus an tan rachfus mé a-
mach, féuch tiucfuidh prionnſa na
Gréige.
21 Acht taisbeanfa mé dhuit an ní
atá aithnid a ſcrioptúir na fírinne;
agus ní bhfuil áon chungnas liom
annſna neithibhſe, acht Michael do
phrionnſaſa.

CAIB. XI.

Clabi na Bperſianach le Rí na Gréige, 30 le ſcrios na Gréige leis na Rombanach.

AGus annſa chéidbhliadhuin do Dhá-
rius an Médianach, do ſheas miſi,
eadhon miſi dá dhaingniughadh, agus
dá neartughadh.
2 Agus anois taisbeanfuidh mé dhuitſi
a nfírinne; féuch, ſeasfuid ſúas fós
trí Righthe ſan Pherſia, agus budh
ſaidhbhre an ceathramhadh Righ ná íad
uile go ro mhór, agus le na neart tré
na ſhaidhbhrios corrochuidh ſé ſúas a
nuile [dhuine] a naghaidh rioghachda
na Gréige.
3 Agus ſeasfuidh Rígh cumhachdach
ſúas thighearnſus maille re cumhachtaibh
móra, agus do dhéana ſé do réir a tho-
la féin.
4 Agus a nuáir éireochus ſé ſúas, bris-
fighear a rioghacht, agus roinnfighear
í leath ré ceithre ghaóthaibh neimhe;
agus ní dá ſhliochd féin, nó do réir a
thighearnuis noch do ríaghluidh ſé: óir
tarrongthar ſúas a rioghacht, eadhon do
dhaoinibh oile táobh amuigh dhíobhſan.
5 Agus biaidh Rígh an deiſceirt láidir,
agus áon da phrionnſadhuibh, agus
biáidh ſé láidir ós a chionnſan, agus
biáidh ſé a ttighearnus; budh tighear-
nus mór a thighearnus.
6 Agus a ccionn bhliadhan cein-
geoluid féin dá chéile; óir tiucfa in-
ghean Rígh an deiſceirt chum Rígh an
tuáiſceirt do dhéanamh réitigh: acht
ní choinneocha ſi cumhachd na láimhe,
ní mo ſheasfas ſeiſion, ná a lámh, acht
ſeachodthar iſe ſúas, agus an drong
thug leó í, agus an té dá rugadh í,
agus an té do neartuigh í, annſna
haimſearuibhſi.
7 Acht as beangán dá fréumh, ſeasfuidh
áon ſúas iona ſtaid, noch thiucfas lé
ſluagh, agus rachfus a ſteach a ndaingion
Rígh an tuáiſgeirt, agus chuirfios na
naghaidh, agus bhéarus buáidh.
8 Agus bhéarus mar an ccéadna
braighde don Négipt maille le na ndé-
éibh, maille re na bprionnſadhuibh gon
a ſoithighibh mórluáigh airgid agus óir,
agus béaruidh ſé ní ſa mhó do bhliadh-
nuibh ná Rìgh an tuáiſceirt.
9 Marſin tiucfa Rígh an deiſceirt
chum a rioghachda, agus fillfidh ſé chum
a dhúithche féin.
10 Agus coirreochthar a mhic ſúas,
agus cruinneochuid iomad ſlóigh, agus
tiucfa aon go deimhin, agus tuileo-
chuidh thairis, agus rachuidh thríd: ann-
ſin fillfidh ſé, agus corrochthar ſúas é dá
dhaingionn.
11 Agus corrochthar Rígh an deiſ-
ceirt le feirg, agus tiucfa amach, agus
troidfidh ris, eadhon lé Rígh an tuái-
ſceirt: agus cuirfidh ſé ſlúagh mór
amach, achd do bhéarthar an ſlúagh
iona láimh.
12 Agus a núair ſcriosfas ſé an ſlúagh,
tóigfighear a chroidhe ſúas, agus
teilgfe ſé ſíos iomad do dheich miltibh:
acht ní neirteochar le ſin é.
13 Oír fillidh Rígh an tuáiſceirt, agus
cuirfidh ſé ſlúagh mór amach is mó ná
an chéadſhlúagh, agus tiucfa go dei-
mhin (tar éis bhliadhan áirigh) go
ſlúagh mor, agus ſaidhbhrios mór.
14 Agus ann ſa naimſin ſeasfuid mórán
ſúas a naghaidh Rígh an deiſceirt:
mar an cceadna áirdeochuid ſladmhóire
do dhaóineſi íad féin, do chruthughadh
na ſiſe, acht tuitfid ſiad.
15 Ann ſin tiucfa Rígh an tuáiſceirt,
agus teilgfidh móta ſúas, agus géabhuidh
ſé na caithreacha is ró láidre, agus ní
ſheasfuid lámha an deiſceirt, nó a
dhaóine toghtha, ní mó bhías neart air
bioth ré ſeaſamh na naghaidh.
16 Acht an té thig na adhuigh, do
dhéana ſé do réir a thola féin, agus ní
ſheasfa duine ar bioth ris: agus ſeasfuidh
ſé annſa tír ghlórmhair, noch ſcrioſtar
le na láimh.
17 Suidheocha ſé a aghaidh fós do
dhul a ſteach maille re neart a riogh-
achda uile, & iomad do dhaóinibh fí-
réunta maille ris: do dhéana ſé ſo, &
do bhéara dhó inghean na mban dá
truáilleadh, acht ní ſheasfa ſi, agus ní
mó bhías ſi dá thaoibhſin.
18 Na dhiáigh ſo, fillfidh ſé a aghaidh
air na hoileanuibh, & géabha ſe mórán
díobh: acht do bhéara prionnſa air a
ſhon féin fa deara an mhaſla thug ſé uadh
do ſcur: gan ſcannail dó féin do bhéara ſé
air iompogh airſion.

19 Annſin

19 Annsin fillfidh sé a aghaidh leath
re daingion a thíre féin: achd do ghea-
bha sé tuisleadh, agus tuitfidh sé, agus
ní bhfuighthear é.
20 Annsin seasfuidh súas iona ionad
saighe, fear tógbhalach géarrthadh a
ngloir na rioghachta: acht táobh a stigh
do bheagán laétheadh muirbhfighear é,
ní a bhfeirg: nó a ccath.
21 Agus éireochuidh súas iona áit, pear-
sa uirisiol da nach ttiubhruid siad onóir
na rioghachda; acht tiucfa sé a steach
go síothchánta, agus gnodhachuidh sé
an ríoghacht le mealltóireachd.
22 Agus lé lámhuibh tuile báithfighear
iad ó bheith roimhe, agus biáid briste;
fós mar an ccéadna prionnsa an chunn-
artha.
23 Agus tar éis na síodhchána do
dhéanamh ris, oibreacha sé go ceal-
gach: óir tiucfa sé súas, agus fásfuidh sé
láidir lé beagan daóine.
24 Rachuidh sé a steach go síothchánta
air na háitibh is féarr annsa bprobhinnsi,
agus do dhéana sé an ní nach deárnadar
a aithre, nó aithre a aithreadh, sgaóilfe
sé iona measc an chreach agus a néadáil,
agus an saidhbhrios: fós teilgfidh
sé roimhe láimh a thionsganta a na-
ghaidh na ndaingion láidir, eadhon ar
feadh aimsire.
25 Agus corrocha sé súas a chumh-
achta, & a mheanma a naghaidh Rígh
an deisceirt maille rè slúagh mór, agus
corrochthar súas Rígh an deisceirt chum
catha maille ré slúagh ro mhór neart-
mhar; acht ní sheasfuidh sé, óir gléus-
fuid tionnscanta na aghaidh.
26 Aseadh, an lucht bhíathas ar a
chuid bidh féin, muirfid é, & tuileocha a
shlúagh: & tuitfidh mórán síos marbh.
27 Agus biáidh croidhe an dá Riogh-
so ré déanamh uilc, & laibheoruid bréa-
ga air áonbhord; acht ní bhéara sin
buaidh: óir biáidh an chríoch fós annsa
nam chinte.
28 Annsin fillfidh sé dhá dhúthaigh
féin maille ré saidhbhrios mór, agus a
chroidhe a naghaidh an chunnartha
naomhtha, agus do dhéana sé ní mór,
agus fillfidh sé dhá thír féin.
29 Ann sa nam chinnte fillfe sé, &
tiucfa sé leath ris an ndeisceart, achd
ní bhiáidh sin mar an ccéidní, nò mar
an ní deighionach.
30 Oir tiucfuid longa Chittim na
aghaidh: uimesin biáidh sé doilghiosach,
agus fillfidh sé, agus biáidh fearg air a
naghaidh an chunnartha náomtha:
marsin féin do dhéana sé, eadhon fill-
fidh sé, agus do gheabha sé sgéala
maille ris an ndruing thréigios an cunn-
radh naomhtha.
31 Agus seasfuid lámha air a thaóbh,
agus truáilleochuid sanctóir an neirt,
agus bèaruid léo a níodhbairt laetheamh-
uil, agus suidheochuid an ghráineamh-
lachd do ní fasach.

32 Agus an lucht do ní go holc a na-
ghaidh an chunnartha, truáilleochar lé
spleadhuibh íad: acht na daóine agá
bhfuil fios a Ndé, béid láidir, agus do
dheanuid gníomha gaisgeamhla.
33 Agus múinfidh an lucht atá tuigsio-
nach a measc na ndaóine, mórán; gi-
dheadh tuitfid siad leis an ccloidheamh,
agus leis an lasair, lé daóirsine, agus le
millteachus, mórán do láethibh.
34 Anois an tan thuitfid siad, cui-
deochar léo re beagán cuidigh; acht
druidfid mórán ríu maille ré spleadh-
uibh.
35 Agus tuitfidh cuid don druing
thuigsionaigh dá ndearbhadh, dá ngla-
nadh, & dá ndéanamh geal, eadhon go
haimsir an deiridh: do bhrigh go bhfuil
sin fós chum aimsire cinte.
36 Agus do dhéana an Rígh do réir
a thola féin, & áirdeochuidh sé é féin
agus méideochuidh sé é féin ós cionn
gach uile dhée, & laibheoruidh sé neithe
iongantacha a naghaidh Dhé na Ndía,
agus béaruidh sé buáidh, no go ccríoch-
nuighthior an fearg: do bhrigh gur bé
an ní do cinneadh do dhéantar.
37 Ní mó bhías suim aige a ndía a
athar, nó a ttoil bhan, ní mó uimhleo-
chus sé daóindia: óir méideochuidh sé
é féin ós cionn a nuile.
38 Acht iona áit onórfuidh sé día na
ndaingneach, agus día nar bhaithnid dá
aithribh, onórfuidh sé lé hór, agus lé
hairgiod, agus lé clochaibh búadha, agus
lé neithibh breághdha.
39 Marso do dhéana sé annsna dain-
gnibh láidre lé día coimhightheach, noch
aideomhas sé, & mhéideochus lé glóir:
agus do bheara orra ríaghlughadh ós
cionn mhóráin, agus roinnfidh sé a ndú-
thaigh ar lúach.
40 Agus a naimsir an deiridh cnagfuidh
Rígh an deisceirt é, agus tiucfa Rígh an
tuáisceirt iona aghaidh amhuil gáoth-
ghuáirdeáin le carbaduibh, agus le marc-
shlúagh, agus le mórán long, agus ra-
chuidh sé a steach annsna tiorthaibh, &
do bhéara sé an tonn thársa, agus ra-
chuidh thairis anonn.
41 Rachuidh sé mar an ccéadna a
steach don dúthaigh ghlórmhair, agus
claoidhfighear mórán; acht rachaid so
as ó na láimh, Edom, agus Moab, agus
togha chloinne Ammon.
42 Sinfidh sé fós a lámh amach air na
tiorthaibh, agus ní rachuidh dúthaigh
na Hégipte as.
43 Acht biáidh cumhacht aige ós
cionn na nionnmhus óir & airgid, agus
ós cionn uile neithe mòrluaigh na Hégip-
te: agus béid na Libianuigh, agus na
Hétiopigh air a ccoiscéimibh.
44 Acht buáidhreochuidh sgéulta
amach as a noirthear é, agus as an
ttuáisceart: uime sin rachuidh sé amach
ré cuthach mór daidhmhilleadh agus
do scrios mhórán thríd amach.

45 Agus suidheocha sé pailliúin a phá-
láis eidir na fairgibh annsa tsliabh
ghlórmhar náomhtha; thairis sin tiucfa
sé chum a chríche,agus ní chuideochuidh
duine ar bioth ris.

CAIB. XII.

Sáoraidh Michael Israel ó na uile theinn.

AGus annsa namsin seasfuidh Michael
súas, an prionnsa mór sheasas air
son chloinne do phobailsi, agus biáidh
am buáidheartha ann, a leithéid nach
raibh a ríamh, eadhon go nuige an
tamsin: agus annsa namsin sáorfuighear
do phobalsa, a nuile dhuine dá
bhfuighthear scriobhtha annsa leabhar.
2 Agus múiscecluidh mórán don druing
chodlas a luaithreadh na talmhan, cuid
chum beatha siorruidhe, agus cuid chum
náire agus tarcuisne siorruidhe.
3 Agus déallrochuid an drong thea-
gasgas,amhuil loinnir na spéire, agus an
drong iompoighios mórán chum fíréan-
tachda amhuil na réulta go síoghal na
síoghal.
4 Acht thusa a Dhániel, iáidh súas
na bríathra, agus séuluidh an leabhar,
eadhon go ham an deirigh: riothfuid
mórán sios súas, agus méideochuid an
téolus.
5 Ann sin damhairc misi Dániel, agus
féuch do sheasadar días oile, áon don
taoibhse do bhrúach na habhann,& áon
oile don taoibh úd do bhrúach na ha-
bhann.
6 Agus a dubhairt [áon] ris an bhfear
a néadach lín, noch do bhí air uisce-
dhuibh na habhann; Gá fad bhíos go
crích na niongnadhsa?
7 Agus do chúala misi an fear a
na éadughadh le líon, noch do bhí air
uisgeadhuibh na habhann,a nuair do chon-
naimh sé suas a lámh dheas,& a lámh
chlé go neamh, & thug a mhionna san té
mhairios go bráth,go mbiáidh sé go haim-
sir, & go haimsearuibh, & go leath aim-
sire: & a nuáir chríochnochus sé scaoi-
leadh cumhacht na náomh, go ccrioch-
nochar na neithesi uile.
8 Agus do chúala mé, acht níor thuig
mé: annsin a dubhairt mé,A Thighear-
na, cred bhías do chrích na ccúiseann so?
9 Agus a dubhairt seision, Imthigh ro-
mhad, a Dhániel; óir atáid na bríathra
séuluighthe súas, agus druite nó go tti
am na críche.
10 Glanfuighear mórán,agus do dhéan-
tar geal iad, agus deirbheochthar iad;
acht do dhéanuid na drochdhaoine go
holc, agus ní thuicfid áon do na cion-
tachaibh, acht tuicfid na heagnuidhe.
11 Agus ó nuáir a ccuirfighear a níodh-
buirt laétheamhuil ar ccúl, agus an ghrai-
neamhlachd do ní fásach ar na cur súas,
biáidh míle dhá chéad agus nóchad lá.
12 Is beannuigh an té fheithios, agus
thig gus an míle lá, trí chéad tríochad
agus a cúig.
13 Acht air do shonsa, imthigh ro-
mhad nó go raibh an deireadh: óir
suáimhneocha tú, agus seasfa tu annsa
chrannchair go deireadh na laetheadh.

LEABHAR HOSEA.

CAIB. I.

*Los trom-bhretheamhnus Dé do thaisbeanadh
arson jodholadhradh, diarradh ar Hosea,
meirdreach do ghabhail na mnaoi.*

BRiathar an Tighearna, noch tháinic
go Hosea mhac Beeri a láethibh
Ussiah, Iotam, Ahas, Heseciah, Ríghthe
Júdah, agus a láethibh Jeroboam mhic
Joas Rígh Israel.
2 Tosach bhréithre an Tighearna tre
Hosea: agus a dubhairt an Tighearna
ré Hosea, Imthigh gabh chugad bean
striopachuis, agus clann striopachuis; oir
do rinne an tír striopachus mór ag dea-
ghail ris an TTighearna.
3 Marsin dimthigh sé, agus thug sé Go-
mer inghean Dhiblaim, noch do toirr-
cheadh, agus rug mac dhó.
4 Agus a dubhairt an Tighearna ris,
Goir Iesreel dainm dhe; oir fos air leadh
uáine bige, agus dioghéola misi fuil Ies-
reel air thigh Iehu, agus do bhéara
mé air ríoghachd thighe Israel cosg.
5 Agus tiucfuidh a ccrich annsa lòsin
go mbrisfidh mé Israel a ngleann Ies-
reel.
6 Agus do toirrcheadh a rís í, agus
rug sí inghean, agus a dubhairt Día
ris,Goir Loruhamah dainm dhi: óir Ní
biáidh truáighe agam ní sa mhó do
thigh Israel, acht cuirfidh mé a mugha
thrid amach íad.
7 Acht biáidh truáighe agum do thigh
Júdah, agus tárrthocha mé íad maille
ris an TTighearna a Ndía, agus ní lé
bogha, nó lé cloidheamh thárrthochus
mé iad, nó lé cath, nó lé heachaibh, nó
le marcthlúagh.
8 Anois a nuair do choisc sí Lo-ru-
hamah, do toirrchiodh í, agus rug sí
mac.
9 Annsin a dubhairt Día, Goir Lo-am-
mi dainm dhe: Oir ní sibh mo phobal-
sa, agus ni budh mé bhur Ndía.
10 Gidheadh biáidh uibhir chlainne
Israel amhuil gaineamh na fairge, nach
feidir do thombas nó daireamh; agus
tiucfa a ccrich annsa nait a ndubhradh
ríu, Ní sibhsi mo dhaoinesi, annsin
a dèarthar ríu, Is sibhsi mic an Dé
bhí.
11 Annsin cruinneochthar clann Iú-
dah, agus clann Israel a naóinfheachd,
agus cinnfid aoinchionn doibh féin, agus
tiucfuid

tiocfuid súas as an ttír : óir budh mór
lá Jesreel.

CAIB. II.

Ceangail Chrìosd re na Eagluise, & gaeb einni rè Dia.

ABraidhsi ré bhur ndearbhbráithribh
Ammi, agus ré bhur ndeirbh-
fhsathrachaibh, Ruhamah :
2 Tagraidh ré bhur mathair, tagraidh :
óir ní hí mo bheansa í : ní mó is misi
a fearsa ; ar a nadhbharsin cuireadh sí
uáithe a striopachus as a radharc a-
mach, agus a hadhaltrannas ó idir a
cíochuibh.
3 Deagla go nochtfuinnsi tárnochd
í, agus go ccuirfinn í do nós an laói a
rugadh í, go ndéanuinn amhuil fásach
í, agus go ndéanuinn amhuil fearann
tirim í, agus go muirfinn lé tart í.
4 Agus ní bhiáidh truáighe agum
dá cloinn : óir isiad clann an striopa-
chuis.
5 Oir do rinne a mathair meirdrea-
chus, an bhean do ghein iadsan do rinne
sí ní gráineamhuil : óir a dubhairt sí,
Leanfa mé a ndiáigh maosgrádh do bheir
dhamh marán agus muisge, molann &
mo lion, mola agus mo dheoch.
6 Uime sin Féuch, falfa mé súas do
shlighe lé droighionuibh, & do dhéana
mé balla go nach bhfuighe sí a casáin.
7 Agus leanfa sí a ndiáigh a háos-
grádh, acht ní bhéara sí orra : agus
iarrfuidh sí iad, acht ní bhfuighe sí
iad : annsin a déara sí, Imeocha mé,
agus fillfidh mé chum mo chéidfhir,
óir do bfearr do bhádhas agam a nuair
sin ná a nois.
8 Oir ní raibh a fhios aice go ttug
mé dhi arbhar agus fíon, agus ola,
agus gur fhoirlíon mé a hór, agus
a hairgiod, noch do ghléasadarsan do
Bháal.
9 Uimesin fillfidh mé, agus do bhéara
mé marbhar liom iona am féin, agus
fíon iona am féin, agus bhéara mé
m molann agus mo lion [tugadh] dfo-
lach a tárrnochduigh.
10 Agus anois foillseocha mé a húal-
chus a radharc a híos grádha,
is ní fhíorfuidh duine ar bioth as
o láimh.
11 Do bhéara mé fós air a sólás uile
r, a laéthe féusta, a rée núadha,
is a sabboide, agus a féusdadh solla-
mnta uile.
12 Agus millfe mé a fíneamhna agus
crainn fige, dá ndubhairt sí, Isiad so
o choibhthesi thugadar máos grádha
dhamh, & do dhéana mé foraóis díobh,
is iosuidh beathaigh an mhachaire íad.
13 Agus aigeora mé láethe Bháalim
uirre, ionar loisg sí túis dóibh, agus ann
ar dheaghmhaisigh sí í féin le na clúas-
fháinnibh, agus le na séuduibh agus do
chuáidh sí a ndiáigh a háosgrádha, & do
dhearmuid sí misi, a deir an Tighearna.
14 Uime sin Féuch, bréugfa mé í,
agus do bhéara mé do nfásach í, agus
laibheóra mé go muinteardha ría.
15 Agus do bhéara mé gárradha a
fíneamhna dhí as sin, agus gleann Achor
mar dhorus dóthchuis, agus do dhéana
sí céol annsin mar a láethibh a hóige,
agus amhuil an lá tháinic sí súas amach
as crích na Hégipte.
16 Agus is amhluidh bhías annsa ló
sin, a deir an Tighearna, go ngoirfidh
tú Mfear dhiomsa, agus nach goirfidh
tú Bahali ní is mo dhiom.
17 Oir do bhéara mé anmanna Bha-
alim amach as a béul, agus ní cuimh-
neochthar as a nainm ní is mó iad.
18 Agus annsa ló sin do dhéana mé
cunnradh dhóibh ré beathachaibh an
mhachaire, agus ré héunlaith neimhe,
agus ré neithibh snáidheach na tal-
mhan : & brisfe mé an bogha, agus an
cloidheamh, agus an cath as an ttal-
amh amach, agus do bhéara mé orra
luighe síos go suáimhneach.
19 Agus posfa mé thusa riom féin go
bráth, fós posfa mé riom féin thú a
nionnracus, a mbreitheamhnus, agus a
ccineúl ghrádhach, agus a ngrásaibh.
20 Ceangola mé fós riom thú a nionn-
racus, & aitheonuidh tú an Tighearna.
21 Agus tiucfa a ccrich annsa ló sin,
go ccluinfe misi, a deir an Tighearna,
cluinfidh mé na neamha, agus cluinfid
sin an talamh,
22 Agus cluinfidh an talamh an tar-
bhar agus an fíon, agus a nola, agus
cluinfid síadsan Jesreel.
23 Agus síolchuirfidh mé riom annsa
talamh í, agus do dhéana mé grása uirre
nach bhfuáir grása, agus a déara mé ris
an ndruing nach raibh mo phobal, Is
tú mo phobal ; agus a déaruid síadsan,
Is tú mo Dhia.

CAIB. III.

Claonadh, teilge seachad, & athchruinniughadh Israel.

ANsin a dubhairt an Tighearna riom-
sa, Imthigh fós, gradhuigh bean
(ghrádhach agá caruid, gidheadh [atá]
na hadhaltrannuigh) do réir ghrádha an
Tighearna do chloinn Israel, noch fhéa-
chus do dhéeibh oile, agus ghrádhui-
ghios flagúin fhíona.
2 Ann sin do ceannuigh mé dhamh féin
í, air chúig phíosa dhéag airgid, & air
hómer éorna, & air leath homer éorna.
3 Agus a dubhairt mé ría, Ansa tú
riom mórán do láethibh, ní dhéana tú
meirdreachus, & ní bhia tú aig fear
oile, marsin biáidh misi mar an
ccéadna agadsa.
4 Oir biáidh clann Israel mórán do
laéthibh gan Rígh & gan phrionnsa, &
gan íodhbairt, agus gan íomháigh, agus
gan Ephod, agus gan Teraphim.
5 Na dhiáigh sin fillfid clann Is-
rael, agus iarrfuid an Tighearna a
Ndia,

Ndía, agus Dáibhi a Rígh, & biáidh eagla an Tighearna orra, agus a mhaitheasa annsna laéthibh deighionacha.

CAIB. IV.

Atá pionas iomarcach Israel, 15 na rabhadh do Judah.

Eistigh bríathar an Tighearna, sibhsi a chlann Israel; óir atá imreasan aig an TTighearna ré lucht áitreibhe na tíre, do bhrígh nach bhfuil fírinne, nó trócaire, nó eólus Dé annsa tír.

2 Brisid siad amach lé mionnuibh, lé bréaguibh, le marbhadh, lé goid, lé déanamh adhaltranais, & beanuidh fuil re fuil.

3 Uimesin caóidhidh an dúthaigh, & anbhfainsigh gach uile dhuine dá ccomhnuighionn inte, maille re beathachaibh an mhagha & éanlaith neimhe, fós béarthar as, mar an ccéadna uile éisc na fairge.

4 Gidheadh ná ceanairgeadh duine ar bith, & ná hiomaithbhireadh sé neach oile: óir atá an pobalso amhuil an drong chrioncánas ris a tsagart.

5 Uimesin tuitfidh tú annsa ló, agus tuitfidh an fáidh maille leachd san noidhche, agus scriosfuidh mé do mhathair.

6 Do scriosadh mo dhaoine do dhíth eóluis: do bhrígh gur tharcuisnigh tú eólus, tarcuisneocha misi thusa mar an ccéadna, chor nach biáidh tú ad shagart agum: ó dhearmuid tú dligheadh do Dhé, dearmodsa misi mar an ccéadna do chlannsa.

7 Amhuil do mhéaduigheadar, is marsin do pheacuigheadar am aghaidhsi: uimesin do bhéara mé a nglóir ar náire.

8 Ithid siad súas peacadh mo dhaoine, agus cuirid a ccroidhe air a néigceart.

9 Agus amhuil an pobal, is mar sin bhías an sagart; agus smaichteocha misi iad ar son a slighteach, agus do bhéara mé luáidheacht a ngniomh dhóibh.

10 Oir íosuid siad, & ní bhiáidh go lór aca: do dhéanuid stríopachus, & ní fhoirlíonfuid siad: do bhrígh gur léigeadar dhíobh aire do bheith aca ar an Tighearna

11 Beiridh stríopachus, agus fíon, agus fíon núadh an chroidhe leis.

12 Iarruid mo dhaóine comhairle air a smotánuibh, & foillsighidh a mbata dhóibh: óir thug spiorad an stríopachuis orra dul air seachrán, & do chúadar do stríopachus ó bheith faói na Ndía.

13 Iodhbruid siad air mhulluighibh na sliabh, & loisgid túis air na cnocaibh faoi dhairghibh, & phoblar, & shleamhán, do bhrígh gur mhaith a scáithsin: uimesin do dhéanuid bhur ninghiona stríopachus, & do dhéanuid bhur mná pósta adhaltranas.

14 Ni smaichteocha misi bhur ninghiona, a nuáir do dhéanuid stríopachus, nó bhur mná posda an tan do dhéanuid adhaltrannas: óir atáid féin déaluighthe le stríopachaibh, & íodhbruid re meirdreachaibh: uimesin tuitfid na daóine nach ttuigeann.

15 Má atá go ndéana tusa, a Israel, stríopachus, thairis sin ná ciontuigheadh Iúdah; agus ná tígidhse go Gilgal, narab mó rachtaoi súas go Bet-ábhen, agus ná mionnuighidh, Mairidh an Tighearna.

16 Oir sleamhnuighidh Israel ar ais, amhuil seachbhuidh shleamhnuighios ar a hais; anois bíadhfuidh an Tighearna íad amhuil úan a náit fhairsing.

17 Do ceangladh Ephraim lé hiodhaluibh: léig dhó féin.

18 Atá a ndeoch searbh: do rinneadar stríopachus a ccomhnuidhe: grádhuighid a húachtaráin maille ré náire, Tugaidh uáibh.

19 Do cheangail an gháoth súas í, iona sciathnuibh, agus biáidh náire orra do bhrígh a níodhbartha.

CAIB. V.

Dimthigh Israel contrardha do na baitheantaibh gu biomlàn.

CLuinigh so, a shagarta, agus tugaidh aire, a thigh Israel; agus éisdigh a thigh an Rígh: óir atá bhreitheamhnus chugaibh, do bhrígh go rabhabhair bhur líon air Mbispah, agus bhur bpaintér leagtha air Thábor.

2 Agus atáid na heasurrumuigh ro fhonnmhar chum áir do dhéanamh, biodh go raibh misi aithbhiorach orra uile.

3 Atá fios Ephraim agum, agus ní bhfuil Israel a bhfolach orum: óir anois, a Ephraim, do rinne tú stríopachus, agus atá Israel air na thruilleadh.

4 Ní chumfuid siad a ngníomha dilleadh chum a Ndé: óir atá spiorad an stríopachuis iona lár, agus níor bhaith nid dhóibh an Tighearna.

5 Agus fiadhnuighidh úabhar Israel a cclár a éadain: uimesin tuitfidh Israel, & Ephraim iona néigceart: tuitfidh fós Júdah maille ríu.

6 Imeóchuid siad le na ttréadaibh, agus le na nealbhuibh díarruidh an Tighearna: acht ní bhfuighid siad é, do tharruing sé é féin úatha.

7 Do rinneadar go feallach a naghaidh an Tighearna: óir do ghineadar clann choimhthightheach: anois sluigfidh mìosa íad maille ré na coidroinn.

8 Séidighse an bhúabhall ann Gibeah, agus an stoc ann Rámah; comhairidhe ós áird a Mbet-abhen: ad dhiaighsi, a Bheniamin.

9 Biaidh Ephraim áonránach a lá a niomaithbhir: ameasc threabh Israel dinnis mé an ní bhías ann go deimhin.

10 Do budh cosmhuil prionnsadha Júdah ris an ndruing áitreabhus an teora: dóirtfidh mé amach mfearg orra amhuil uisge.

11 Do brúigheadh Ephraim, agus atá sé briste a mbreitheamhnus: do bhrígh gur shiubhail sé go toileamhail do réir na háithne.

12 Uimesin biáidh misi do Ephraim

amhuil léamann, agus do thigh Júdah
amhuil neithe lobhtha.
13 An tan do chonnairc Ephraim a
thinneas, agus Iúdah a chneadh: ann
sin do chuáidh Ephraim a ccionn a Nasſi-
rianach, agus do chuir fios gus an
Righ Járeb; gidheadh níor fhéad sé
sibhsi do thárthail, nó bhur leighios ó
bhur ccneidh.
14 Oír biaidh misi do Ephraim
amhuil leomhan, agus do thigh Júdah
mar leomhan óg: reabfa misi, eadhon
misi féin, agus imeochad romham: do
bhéara mé liom é, agus ní fhuaideoch-
uidh duine ar bioth [uaim] é.
15 Imeocha mé, agus fillfidh mé
chum maite féin, nó go nadmhaid siad
a ccoir, agus go niarruid siad ma-
ghaidh: iarrfuid siad go moch mé
iona mbuáidhreadh.

CAIB. VI.

*Searmoin fhoillier fholasach a ttaobh aith-
reachus.*

DEánam, agus filleam chum an Tigh-
earna: óir isé do bhris, agus lei-
ghiosuidh sé sinn; isé do bhuáil, agus
ceineeola sé súas sinn.
2 A ccionn dá lá aithbheógha sé sinn,
annsa treas lá tóigfe sé súas sinn, agus
mairfbiom iona radharc.
3 Annsin aitheonam ma théighmid air
ar naghaidh daithniughadh an Tighearna;
atá adhul amach ullamh mar an maidin,
& tiucfa sé chugainn mar a nfearthuinn;
mar a nfearthuinn deighionuigh, agus
thosuigh chum na talmhan.
4 O a Ephraím cred do dhéana mé
riot? O a Júdah créad do dhéana mé
riotsa; óir atá bhur maith amhuil néull
maidne, agus imthighidh roimhe mar an
drúcht mhoch.
5 Uime sin do gheárr mé íad leis na
fáidhibh; do mharbh mé íad lé bríath-
raibh mo bhéil, agus atáid do bhreith-
eamhnuis mar an solus théid amach.
6 Oír do dhúiligh mé trócaire, agus
ní híodhbuirt: agus éolus Dé ní sa mhó
ná ofráil loisge.
7 Acht do fháruigheadarsan mar
dhaóinibh, an chunradh; annsin do rin-
neadar go fealltach am aghaidhse.
8 Is cathair Gilead don druing oibri-
ghios éigceart; agus atá sí ar na truáill-
eadh le fuil.
9 Agus amhuil fheithios cuideachda
bladmhóireadh air dhuine, amhluidh sin
marbhuid cuideachda fhagart annsa tsli-
ghe dáontoil: óir do níd síad úallachus.
10 Do chonnairc mé ní gráineamhuil
a ttigh Israel: atá striopachus Ephraim
annsin, de truáilleadh Israel.
11 Mar an ccéadna, a Iúdah, do
leaghidh sé foghmhar dhuitsi, a nuáir do
iompoigh misi daóirsine mo phobail.

CAIB. VII.

Sìor-smacht fa choinne phobuil doth-leighbis.

A Nuáir budh mían liom Israel do lei-
ghios, annsin do foillsigheadh éig-
ceart Ephraim, agus urchóid Shamária:
óir do níd síad bréaga, agus thig an
gaduighe a steach, & millidh an chomh-
láimh shladmhóireadha amuigh,
2 Agus ní mheasuid síad iona ccroidh-
thibh go ccuimhnighimsi a nuile olc: a
nois do shuigh a ngníomha féin iona
ttimchioll, atáid as coinne maighthe.
3 Cuirid síad lúathghair air an Rígh
le na cciontaibh, agus air na prionnsa-
dhuibh le na mbréuguibh.
4 Atáid uile na nadhaltrannachaibh
amhuil uáimh te ón bháicéir, noch scuirios
do thógbháil tair éis an taóis do fhúa-
thadh, nó go raibh na loibhín.
5 A ló ar Rígh do rinneadar na
prionnsadha tinn é le buidealuibh fíona,
sínidh sé a lámh amach le habhlóiribh,
6 Oír do rinneadar a ccroidhe ullamh
amhuil uáimh the an feadh luighid a
luigheachán; codluidh a mbáicéir feadh
na hoidhche, ar maidin loiscidh sé mar
theine lasamhuil.
7 Atáid uile te amhuil bácús, agus do
shluigeadar a mbreitheamhuin: do
thuiteadar a Ríghthe uile, ní bhfuil áon
na measg ghoiríos orumsa.
8 Do chumaisc Ephraim é féin a measc
an phobail, atá Ephraim na bhairghin
nach ar hiompoigheadh.
9 Do shluigeadar coimhthighidh a
neart, & ní bhfuil a fhios aige: fós atá
grúag liath air ann so agus ann súd, gi-
dheadh ní bhfuil a fhios aige.
10 Agus fiadhnuighid úabhar Israel a
cclár a éadain, agus ní fhillid chum an
Tighearna a Ndia, agus ní íarruid é,
thairis so uile.
11 Is cosmhuil Ephraim mar an ccéad-
na re colum súarrach gan chroidhe: goi-
rid ar an Négipt, tíaghuid do Nassiria.
12 A nuáir imeochuid síad, leith-
neocha misi mo líon orra, do bhéara mé
síos íad amhuil éunlaith neimhe, smaich-
teocha mé íad, amhuil do chúaluidh
a ccoimhthionól.
13 A mhairg dhóibhsion: óir do
theithiodar uáimse: donas orra, do bhr gh
gur chiontuigheadar am aghaidh: bíodh
gur fhúascail mé íad, gidheadh do la-
bhradar bréaga am aghaidh,
14 Agus níor ghoireadar orum le na
ccroidhe, an tan do núalladar orum iona
leabuidh; do chruinnigheadar íad féin
chum arbha agus fíona, agus do níd
cogadh am aghaidhsi.
15 Matá gur cheangail mé, agus gur
neartuigh mé a lámha, thairissin tion-
scnuid síad urchóid am aghaidh.
16 Fillid síad, achd ní chum an té is
ro áirde: is cosmhuil re bogha mealltach
íad: tuitfid a bprionsadha leis an
ccloidheamh, do bhrígh dibhfheirge a
tteangadh: budh é so a magadh a
ccrích na Hégipte.

CAIB.

CAIB. VIII.

Bagra arſon chrábhaidh eattrom, agus aneolas an dlighe.

CUir an ſtoc chum do bhéil: tiuc-
ſuidh ſé amhuil iolar a naghaidh
thighe an Tighearna, do bhrígh gur
ſháruigheadar mo chunnradh, agus gur
chiontuigheadar a naghaidh mo dhlighe.
2 Goirfidh Iſrael chugam, Mo Dhia,
aithnighmid thú.
3 Do theilg Iſrael uadh an ní is maith,
inghreamochuidh an námhuid eiſion.
4 Do chuireadar Righthe ſúas, acht
ní maille riomſa, do rinneadar prionnſa-
dha, agus ní raibh a fhios agamſa: do
rinneadar iodhal dóibh féin dá nairgiod,
agus dá nór, chor go ngearrfuidhe amach
iad.
5 Do theilg do láogh úadh thuſa, a
Shamária; atá mfearg ar laſadh na na-
ghaidh: gá fad bhias ſuil roitheochuid
go neimhchiontachus?
6 Oir is ó Iſrael do bhí mar an
cceadna, do rinne an fear oibre é, uime-
ſin, ní Dia é: acht brisfighear láogh Sha-
mária a mblodhuibh.
7 Oir do ſhíoladar an ghaoth, agus
beanſuid an gháoth ghuáirdeain: ní
bhiáidh connlach aige, ní thiubhra an
coinlin min uadha: má bheir, iſé an
coimhthigheach ſhluigfios ſúas í.
8 Do ſluigeadh Iſrael ſúas: anois
béid ſiad a meaſg na ngeinteadh mar
ſhoightheach gan dúil ar bioth ann.
9 Oir do chúadar ſúas do Naſſiria,
aſſal ſiadhta na áonar leis féin: dfoſt-
oigh Ephraim áoſgrádh.
10 A ſeadh, bíodh gur ſhoſtadar a
meaſc na ccineadhach, a nois cruinneocha
miſi iad, agus do dhéanuid beagán
doilghis ar ſon úaluigh Rígh na
bprionnſadh.
11 Do bhrigh go ndéarna Ephraim
mórán altórach do pheacughadh, béid
altora aige chum peacaidh.
12 Do ſcriobh miſi chuige neithe
móra mo dhlighe, acht do measadh mar
ní coimhthigheach iad.
13 Ofráluid ſiad feóil ar ſon íodhbar-
thach mofrálachſa, agus ithid í: acht
ní ghlacann an Tighearna iad: anois
cuimhneocha ſé a néigceart, agus fioſ-
rochuidh ſé a bpeacadh: fillfid ſiad don
Négipt.
14 Oir do dhearmuid Iſrael a chru-
thaightheóir, agus cuiridh ſé teampuill
ſúas; agus dfoirlion Júdah caithreacha
daingne: acht cuirfidh miſi teine air a
chaithreachaibh, & loiſgſe ſi a páláis ſin.

CAIB. IX.

Tiocfaidh braighdionas go cinnte ar Iſrael arſon a bpeacadha fuathmhur.

NA gáirdigh, a Iſrael tré ſhólás
amhuil daóine oile: óir do
chuáidh tú lé ſtriopachus ód Dhia: do
ghradhuigh tú luáigheachd air gach uile
urlár arbha.
2 Ní bheathochuidh an lár, agus da-
bhach a nſiona iad, agus failleochuidh an
ſion núadh inte.
3 Ní áitreochuid ſiad a ndúthaigh an
Tighearna, acht fillfidh Ephraim don
Négipt, agus íosfuid neithe neamhghlana
ſan Naſſiria.
4 Ní ofráilfid ſiad ofráil ſhíona don
Tighearna; ni mó bhéid dáileamhuil
dóſan: biáidh a níodhbhartha dhóibh féin
amhail arán na ngubhthach, biáidh an
mhéid íoſas de ſin ſalach: óir ní thio-
ſuidh a narán ar ſon a nanma go tigh
an Tighearna.
5 Cred do dhéantaói ſan ló ſhollamanta,
& a ló fhéuſta an Tighearna?
6 Oir féuch, dimthigheadar, do bhrígh
a naidhmhillte: cruinneochuidh an Né-
gipt ſúas iad, adhlocuidh Memphis iad:
na háite taitneamhacha dá nairgiod,
ſealbhochuid neanntóga iad: béid drói-
ghne iona ttighthibh.
7 Thangadar láethe an choirighthe,
thangadar láethe an luáigheachta, aithe-
nuidh Iſrael é: is amadán an ſaidh, atá
an duine ſpioradalta ar buile, ar ſon iom-
uid héigceart, & a nadhfhuatha mhóir.
8 Do bhí fear faire Ephraim a bhfo-
chair mo Dhé: acht is paintéar ſeabh-
córa an ſaidh iona uile ſhlighthibh, agus
is fúath a ttigh a Dhé é.
9 Do thruailleadar iad féin go do-
mhain amhuil a láethibh Ghibeah:
uimeſin cuimhneocha ſé a néigceart,
coireocha ſé a bpeacadh.
10 Fuáir mé Iſrael amhuil gráipuidhe
annſa bhfáſach: do chonnairc mé bhur
naithre amhuil an chéad abuidh annſa
chrann fíge iona chéad aimſir: acht do
chúadar go Baalpeor, agus do dhealcha-
dar iad féin chum na náire ſin, agus do
bhádar a ngráineamhlachda amhuil mar
do ghrádhuigheadar.
11 Ar ſon Ephraim, eitilfidh a nglóir
úatha amhuil éun; ón bhreith, agus ón
bhroinn, agus ón gheineamhuin.
12 Bíodh go ttiubhraidís a cclann
ſúas, thairis ſin, ſcoithfidh miſi iad, ion-
dus nach bhfágthar duine ar bioth
dhíobh: aſeadh fós a mhairg dhóibh, an
tan dhéileochus miſi riú.
13 Atá Ephraim amhail do chonnairc
mé Tirus, ar na phlanndughadh a náit
aoibhinn: acht do bhéaruidh Ephraim a
clann don mharbhthóir.
14 Tabhair dhóibh, a Thighearna: cred
do bhéara tú dhóibh? tabhair dhóibh bru
chaillte, agus cíche ſeaſga.
15 Atáid a ccionta uile a Ngilgal: óir
is ann ſin do fhúathaigh mé iad: ar
ſon uilc a ngníomh díbeora mé as mo
thigh iad, ní ghráidheocha mé iad ní ſa
mhó, atáid a bprionnſadha uile eaſa-
ramach.
16 Do buáileadh Ephraim, do thir-
muigheadh ſúas a fhréumh, ní thiubhraid
ſé toradh ar bioth úadh; aſeadh, miſi
nginfeadhar úatha, muirfidh miſi toradh
grádhach a mbronn;

17 Teilgfidh

17 Teilgfidh mo Dhía ſeachad iad, do
bhrígh nar éiſtiodar ris: agus béid na
ſeachránachaibh a meaſc na gcineadhach.

CAIB. X.

Achmhuſan Iſrael arſon a neigceart agus a niodbala.

IS ſíneamhuin gan toradh Iſrael, do
bheir ſé amach toradh dhó féin: do
réir iomuid a thoruidh do mhéaduigh ſé
na haltóra;do réir maitheaſa a fhearuinn
do rinneadar íomháighe breágha.
2 Atá a ccroidhe roinnte: anois do
gheabhthar ciontach iad: brisfidh ſé ſíos
a naltóra, millfidh ſé a níomháighe.
3 Óir a déaruid ſíad anois, Ní bhfuil
Rígh ar bioth aguinn, do bhrígh nach
raibh eagla an Tighearna oruinn? mai-
ſeadh, cred do dhéanadh Rígh dhúinn?
4 Do labhradar focuil ag tabhairt a
néithigh a ndéanadh cunnartha: marſo
fháſas breitheamhnus ſúas amhuil muin-
mhear a neitrighibh an mhachaire.
5 Eaglochuidh lucht áitreabha Shamá-
ria, do bhrígh láogh Bhet-abhen: óir
caóidhfid a daoine ós a cionn, agus a
ſagairt do ghháirdigh ría, do bhrígh a
glóire, do chionn gur imthigh uáithe.
6 Do bhéarthar fós do Naſſiria é mar
thabhartas go Rígh Jareb: do gheabha
Ephraim náire, agus biáidh náire air Iſ-
rael tre na chomhairle féin.
7 Ar ſon Shamária, do gearradh a Rígh
amach mar an ccubhar air a nuiſce.
8 Aite árda Abben mar an gcéad-
na, ſcriosfuighear peacadh Iſrael: tiuc-
faidh an droighion, agus an fogh-
mhannán ſúas ar a naltórachaibh, a-
gus déaruid ris na ſléibhtibh, Folch-
aidh ſinn; & ris na cnochaibh, Tuitigh
oruinn.
9 O a Iſrael, do pheacuidh tú ó láe-
thibh Ghibeáh; ann ſin do ſheaſadar:
ní rug an cath a Ngibeáh a naghaidh
chloinne a néigceirt, orra.
10 Atá dfonn orum a ſmachtu-
ghadh: agus cruinneochthar an pobal
na naghaidh, an tan cheangoluid iad
ſin iona ndá eitrighe.
11 Agus is láogh do múineadh
Ephraim, & gradhuighidh ſé an tarbhar
do ſhaltairt ſíos: acht dimthigh miſi
air a muineal breágha: do bhéara mé
air Ephraim marcuigheachd do dhéa-
namh, treabhochuidh Júdah & brisfidh
Iacob a fhóide.
12 Síolchuiridh dhíbh féin a nionracus,
beanuidh a ttrócaire, briſidh ſúas bhur
bhfearainn branair: óir is mithid an
Tighearna díarruidh nó go ttí ſé, agus
go bhfearuidh fíreuntacht oruibh:
13 Do threabhabhair urchóid, do bhean-
abhair éicceart, ditheabhair toradh na
mbréug: do bhrígh gur dhóthchuſaigh
tú ann do ſhlighe, a niomadamhlacht do
dhaóine cumhachtach.
14 Uimeſin éireochuidh ceannairg eidir
do dhaóinibh, agus millfighear do dhain-
gin uile, mar do mhill Salman Bet-arbel
a ló an chatha: do réubadh an mhathair
na blodhuibh air muin a cloinne.
15 Marſo do dhéana Betel ribhſi, do
bhrígh méid bhur nurchóide: ann a
maidin géarrfuighear Rígh Iſrael thríd
amach.

CAIB. XI.

Gu bfuil Día iona oide altruinn dá phobal, ge gu bfuilidſion go minic dombuidheach.

AN tan do bhí Iſrael na leanamh,
annſin dob ionmhuin liom é,
agus do ghoir mé mo mhac amach as
an Négipt.
2 Mar do ghoireadar iad, is marſin
dimthigheadar uatha: díodhbradar do
Bhaalim, agus do loiſgeadar túis dío-
mháighibh greanta.
3 Do mhúin mé fós ſiubhal do Eph-
raim dá nglacadh ar lámhuibh: acht
ní raibh a fhios aca gur leighis miſi
iad.
4 Do tharruing mé iad le córduibh
duine, lé cuibhreach grádh, agus do bhí
mé dhóibh mar an ndroing thógbhas an
chuing air a ngíalluibh, agus do chuir
mé biadh fútha.
5 Ní fhillfidh ſé go crích na Hégipte,
acht budh é an Sírianach a Rígh, do
bhrígh gur dhiúltadar filleadh!
6 Agus coimhneochuidh an cloidheamh
air a ccaithreachaibh, agus brisfidh ſé a
bheangáin, agus ſluigfidh iad, do bhrígh
a ccomhairleach féin.
7 Agus atá mo phobal cláon chum
ſleamhnuighthe ſíar uáimſe: bíodh gur
ghoireadar iad chum an té is ro áirde, ní
áirdeochuidh duine ar bioth é.
8 Ciondus bhéaras mé ſúas thú, a
Ephraim? ciondus ſheachodas mé thú,
a Iſrael? ciondus do dhéanas mé thú
amhuil Admah? ciondus ſhuigheochus
mé thú amhuil Sebóim? do hiompoi-
gheadh mo chroidhe ionnam, do laſadar
maithreachuis a néinfheachd.
9 Ní chríochnocha mé buirbe mfeirge,
ní iompocha mé do mhilleadh Ephraim;
óir is Día mé, agus ní duine, an tíon
náomhtha ann do lár, agus ní rachuidh
mé a ſteach annſa chathraigh.
10 Siubholuid ſíad a ndiáigh an Ti-
ghearna; núallfuidh ſé amhuil leomhan:
an tan núallfas ſé, annſin criothnochuid
an chlann ó niarthar.
11 Criothnochuid ſíad amhuil éun as
an Négipt, agus amhuil colum as tír na
Haſſíria: agus ſuidheocha miſi iona
ttighthibh iad, a deir an Tighearna.
12 Compaſuigh Ephraim mé fá ccuáirt
lé bréaguibh, agus tigh Iſrael le ceilg:
acht ríaghluidh Iúdah fós maille ré Día,
agus atá ſé ionruic maille leis na
náomhuibh.

CAIB. XII.

Imdheargadh Ephraim (no Iſrael) arſon a ſiubhar iona ſhaidhbhrios.

Beathuighthear

BEathuighthear Ephraim lé gáoith,
agus leanuigh ſé a ndiáigh na gaói-
the a noir: méaduighidh ſé bréaga go
láetheamhuil, agus áonránachd, agus do
nid cunradh ris na Haſſirianachuibh,
agus beirthir ola don Négipt.
2 Atá imreaſan ag an Ttighearna ré
Júdah, agus ſmaichteocha ſé Jacob do
réir a ſhlightheach, do reir a ghníomh
do bhéara ſé luáigheachd dó.
3 Do ghlac ſé a dhearbhrathair ar
ſháil annſa mbroinn, agus le na neart do
bhí cumhacht aige ag Día.
4 Aſeadh, do bhí cumhacht aige ós
cionn a naingil, agus rug ſé buáidh: do
chaói ſé, & do rinne ſé guidhe chuige:
fuáir ſé é ſan Bhetel, agus annſin do la-
bhair ſé rinne.
5 Eadhon an Tighearna Día na ſlógh,
iſé an Tighearna a chuimhneachadh.
6 Ar a nadhbharſin fillſe chum do Dhé;
coimhéad trócaire, agus breitheamhnus,
agus feith air do Dhía do ghnáth.
7 Is ceannuighe é, atáid meadha na
mealltóireachda iona láimh; grádhuigh
ſé foiréigion do dhéanamh.
8 Agus a dubhairt Ephraim, Gidheadh
tháinic mé chum bheith ſaidhbhir, fuáir
mé ſubſtaint: ann mo ſháothruibh uile
ní bhfuighid ſiad éigceart air bioth ion-
nam, do bhí na pheacadh.
9 Agus miſi an Tighearna do
Dhía ó chrích na Hégipte, do bhéa-
ra mé ortſa fós áitreabhadh a bpáil-
liunuibh amhuil a láethibh a nféaſta ſhol-
lamonta.
10 Do labhair miſi fós ris na fáighibh,
agus do mhéaduigh mé fiſe, agus do
ghnáthuigh mé coſamhlachda tré mhi-
nioſtralachd na bhfáigheadh.
11 An bhfuil éigceart ann Gilead? go
deimhin is díomhaóineas íad, íodhbhar-
thuid ſiad bulóga a Ngilgal: atá fós a
naltóra mar chárnuibh a neitrighibh an
mhachaire.
12 Agus do theith Jácob don Naſſíria,
agus do rinne Iſrael ſerbhís ar ſon mná,
agus ar ſon mná do choimhéad ſé
[caóirigh.]
13 Agus lé fáidh do thréoruigh
Día Iſrael amach as an Négipt, agus lé
fáidh do ſábháladh é.
14 Do bhroſtuigh Ephraim é
chum feirge go doirbh; ar a nadh-
bharſin fúigfidh ſé a fhuil air; agus
fillfidh a Thighearna a ſcannail chuige
féin.

C A I B. XIII.

Onòir, Gráineamhlachda, agus Pionus doirbh Iſrael.

AN tan do labhair Ephraim, ar
criot, dárduigh ſé é féin a Niſ-
rael: acht an tan do pheacuidh ſé a
Mbaal, fuáir ſé bás.
2 Agus anois peacuighid ſiad ní is
mó, agus ní is mó, agus do rinneadar
íomháighe leaghtha dá nairgiod, agus ío-
dhail do réir a ttuicſiona féin, íad uile
oibreacha na bhfear ceirde: a deirid do
ttáobh ſan, Na daóine íodhbras, pó-
gaidís na laóigh.
3 Uimeſin béid ſiad amhuil néll
maidne, agus amhuil an mochdhrúcht,
noch imthighios ſeachad, mar an cáith
díbearthar leis an ngaóith ghuáirdeáin as
a nurlár, agus amhuil an deatach as an
tſimné.
4 Thairis ſin is miſi an Tighearna do
Dhía ó chrích na Hégipte, agus ní
bhiáidh fios día ar bith agad acht miſi:
óir ni bhfuil ſlanaightheoir taobh
amuigh dhíomſa.
5 Dob aithne dhamh thú annſa bhfá-
ſach, a ndúthaigh an tarta mhóir.
6 Do réir a ninbhir, is marſin do
líonadh íad: do líonadh íad, agus do
bhí a ccroidhe air na árdughadh: uime-
ſin do dhearmadar miſi.
7 Uimeſin biáidh miſi dhóibhſin
amhuil leomhan, mar liopard annſa
tſlighe bhéara mé dom aire íad.
8 Teigeomha mé ríu amhuil beithir
dá mbeantar [a cuiléin], agus briſe mé
ſcairt a ccroidhe: agus annſin ſloigfidh
mé íad amhuil leomhan, réubfuidh an
beathach álta íad.
9 O a Iſrael, uáid féin atá do ſcrios,
acht is ionnamſa atá do chabhair.
10 Biáidh miſi am Rígh agad: cáit a
bhfuil duine ar bioth oile fhéadas do
ſhábháil ann do chaithreachaibh uile?
& do bhreitheamhuin, do thaoibh
a ndubhairt tu, Tabhair dhamhſa Rígh
& prionnſadha?
11 Thug mé Rígh dhuit ann mfeirg, &
rug mé liom é ann mo dhibhfheirg.
12 Atá éigceart Ephraim ceangailte
ſúas: do folchadh a pheacadh.
13 Tiucfuid doilghioſa mná re niodh-
nuibh air, is mac éigcrionna é, óir níor
chóir dhó ſeaſamh a bhfad a náit
bhriſte amach na cloinne.
14 Fuáiſceola mé íad ó chumhachdaibh
na huáighe: fuáiſceola mé íad ón mbás:
Oh a bháis, biáidh miſi am phláigh dhuit;
Oh a uáigh, biáidh mé am ſcrios duit;
foileochthar aithreachus óm ſúilibh.
15 Mà tá go bhfuil ſé tarbhach a measg
a dhearbhráithreach, tiucfa gáoth a noir,
tiucfa gàoth an Tighearna ſúas ón bhfá-
ſach, agus tiormochuidh ſi a tiobar,
agus tiormochthar ſúas a thobraid:
millfe ſé ionnmhus gach uile ſoitheach
taitneamhach.
16 Biáidh Samária áonránach, óir do
rinne ſi cogadh a naghaidh a Dé:
tuitfid ſiad ris an ccloidheamh, réab-
far a naóidhin na mblodhaibh, agus
ſgoiltfighear a mná torrcha.

C A I B. XIV.

Do ní tròcaire Dè, ſeaſmhach na daoine filleas leis.

OH a Iſrael, fill chum an Tighearna
do Dhia; óir thuit tu ched ad éig-
ceart.

2 Glac chugad bríathra, agus fill
chum an Tighearna: abair ris, Beir
uainn a nuile éiceeart, agus gabh chugad
go grásamhuil sinn: marsin do bhéaram
uainn laóigh ar bpuiſineadh.
3 Ní chaomhnochaidh Aſſur ſinn, ní
dhéanam marcuigheacht air eachaibh, ní
mó a déaram ní is mó le hobair ar lámh,
is ſibhſi ar ndée; óir is ionnadſa do
gheibh an dilleachda trócaire.
4 Slaineocha mé a ſleamhnuighthe ſiar,
biáidh gradh agum orra go toileamhuil;
óir dfill mfearg úadha.
5 Biáidh mé mar an ndrucht Diſ-
ruel; fásfuidh ſé mar an lile, agus
cuirfidh ſé a fhréamha amach amhuil
Lebanon.

6 Leathnochuid a bheangáin, & biáidh
a ſgíamh amhuil crann ola, agus a bho-
ladh amhuil Lebanon.
7 Fillfid an drong áitreabhus faoi na
ſcáile, aithbheochuid amhuil an tarbhar,
agus fásfuid mar an bhfíneamhuin: bi-
áidh a bholadh amhuil fíon Lebanon.
8 [A déara] Ephraim, Créd atá agam
ré a dhéanamh ní is mó ré hiodhaluibh?
do chúaluidh mé, agus dairigh mé é: is
coſmhuil mé ré crann glas giumhais, is
uáimſe fríth do thoradhſa.
9 Cía is críonna, agus tuigſe ſé na
neitheſe? glic, agus aitheona ſé iad;
óir is díreach ſlighthe an Tighearna,
agus ſiubholuid na fíréin ionta: acht
tuitfid na ciontuigh ionta.

JOEL.

CAIB. I.

Iugra doilghios agus troſgadh arſon an tart agus na gorta, a ttáinic a leith meiſce agus an caitheamh.

BRiathar an Tighearna tháinic
chum Joel mhac Petuel.
2 Cluinidh ſo, a dhaóine
foirſe, & tugaidh éiſdeacht
uáibh, ſibhſi uile dhúthchu-
ſaigh na tíre: an raibh ſo
ann bhur laéthsibhſi, nó a
laethibh bhur naithreadh?
3 Innisidh dá bhur ccloinn é, agus
innisodh bhur cclannſa dá ccloinn féin,
agus a cclannſan do ghinealach oile.
4 Dith an lócuſt an ní dfág an phiaſt
ailmer; agus an ní dfág an lócuſt, a
dhith an phéiſt chancair; agus an
ní dfág an phéiſt chancair, a duaigh an
caterpiler é.
5 Múſcluidh a lucht na meiſce, agus
caóidh, agus nualluidh a uile lucht óla
fíona, do bhrígh a nfíona nuáidh; óir
do gearradh ó bhur mbéul é.
6 Óir tháinic cineadh a níos ar
mfearan, atá láidir agus gan áireamh, a
bhfuilid a fíacla amhuil fíacla leomh-
ain, agus atáid fiacla carbaid leomhuin
mhóir aige.
7 Do rinne ſé mfíneamhuin na fá-
ſach, agus do bhean an chairt dom
chrann fige: do rinne ſé lom go hiom-
lán é, agus do theilg úadha é, do rin-
neadh a géaga geal.
8 Caóidh do nós maighdine ar na
cuirthear a ſaiceadach ar ſon chéile a
hóige.
9 Do gearradh a nofráil bhídh, a-
gus a nofrail dhighe ó thigh an Tigh-
earna; caóinid na ſagairt, ſeirbhíſigh an
Tighearna.
10 Atá an machaire na fháſach, do
ní an talamh doilghios: óir do han-
ſcaoileadh an tarbhar, do thiormaigh an
fíon nuadh, atá a nola ag cnaói.
11 Bíodh náire oruibhſi, a fheara

tighe: núalluigh, a lucht deaſuighthe
na fíneamhna, ar ſon na cruithneachda,
agus ar ſon na héorna: do bhrígh gur
mheath fóghmhar an mhachaire.
12 Do thiormaigh a nfíneamhuin ſúas,
agus ſearguidh an crann fíge, an crann
pomgranat, an crann pailme fós, a-
gus a nabhall, eadhon do chríonadar
uile chrainn an mhachaire: do bhrígh
gur chríon gáirdeachus ó mhacaibh na
ndaóine.
13 Crioſluighidh ſibh féin, agus
caóidhigh, a ſhagarta; núalluidhſi, a ſheir-
bhíſigh na haltóra: tigidh, luighidh ar
feadh na hoidhche a ſaicéadach, ſibhſi
ſheirbhíſigh mo Dhé: óir do congmhadh
a nofráil bhídh; agus a nofráil dighe ó
thigh bhur Ndé.
14 Náomhuidhſe troſcadh, goiridh
coimhthionól ſollamonta, cruinnighidh
na ſionſir, agus éighidh chum an Ti-
ghearna.
15 Mo thruaighe ar ſon an laói:
óir atá lá an Tighearna do lathair, a-
gus tiucfa ſé amhuil ſcrios ó nuile-
chumhachdach.
16 Nach ar gearradh amach an bíadh
as coinne bhur ſúl, gáirdeachus fós, agus
lúathgháir ó thigh ar Ndé?
17 Do lobh an ſíol faoi na fóduibh
do fágbhadh na gairneal ſolamh, do
briſeadh ſios na ſciobóil: óir da chríon
an tarbhar.
18 Ciondus oſnadhuid na beathuigh?
atáid na healbhadha airneiſe buáidh-
eartha, do bhrígh nach bhfuil beatha ar
bioth aca, fós do ſágbhadh na tréuda
cáorach áonranach.
19 O a Thighearna, is chugadſa éigh-
fios miſi: óir do dhóith an teine in-
bheara a nfáſuigh, agus do loiſc an
laſair uile chrainn an mhachaire.
20 Comhaircid fós beathaigh an mha-
chaire chugad: óir do tiormugheadh ſúas
aibhne na nuiſgeadh, agus do dhóith an
teine inbheara a nfáſaigh.

CAIB. II.

Fuagra aithreachuis, & troisgthe eile, do ghabhail roimh dhioghbaltais.

SEidigh an stoc a Sion, agus fuáimnigh gáir ann mo shliabh náomhtha: criothnuigheadis lucht áitreabhtha na tíre: óir tig lá an Tighearna; óir atá sé a bhfogus;

2 Lá dorchachta, agus gruamachda, lá néull agus dorchadais thiugh, mar do leathnuigh an mhaidin air na sléibhtibh: pobal mór láidir nach bhfacus a leithéid, agus nach biáidh ní sa mhó na dhiáigh, eadhon go bliadhuin mhóráin ginealach.

3 Sluigidh teine rompa, agus na ndiáigh loisgidh lasair; atá an tír amhuil gáirdin Eden rompa, agus na fásach uaigneach na ndiaigh; aseadh ní reacha aoinni as uatha.

4 Atáid a ttaisbéanta amhuil taisbeanta each, agus amhuil marcshluagh is mar sin riothfuid siad.

5 Cosmhuil lé fuáim charbad ar mhullughibh na sliabh lingfid siad amhuil toruinn lasrach teineadh loisgios an connlach, amhuil dáoine láidre a nórdughadh catha.

6 As coinne a naighthe béid na daoine lán do phéin, cruinneochuid na huile ghnúise dubhachas.

7 Riothfuid siad do nós daóine cumasach, do dhéanaid dreapaireacht an bhalla amhuil lucht cogaidh, agus rachaid ar a naghaidh gach áon iona slighthibh, agus ní bhrisfid a nórdughadh.

8 Ní mo bhrúighfios neach ar a chéile, siubholuidh gach duine aca iona chasán féin, agus an tan thuitfid air an ccloidheamh ní loitfighear iad.

9 Riothfuid siad chuige agus úadha annsa chathruigh, riothfuid air an mballa: do dhéanuid dreapaireacht súas air na tighthibh.

10 Criothnochuidh an talamh rompa, coimhchreathfuid na neamha, biáidh an ghrian agus an ghealach dorcha, agus coinneochuid na réulta air a ndéalradh.

11 Agus laibheoruidh an Tighearna a ghuth as coinne a shlúagh: óir is ro mhór a fhoslongphort: óir is láidir an té chríochnuighios a fhocal: óir is mór lá an Tighearna, agus ro úathbhásach, agus cia fhéadas a fhulang?

12 Uimesin anois a deir an Tighearna Fillidhsi chugamsa maille re bhur nuile chroidhe, agus le trosgadh, agus lé gul, agus lé dóbrón.

13 Agus réabuidh bhur ccroidhthe, agus narab iad bhur néuduighe, agus fillidh chum an Tighearna bhur Ndia: óir atá sé grásamhuil, agus trócaireach, mall chum feirge, agus lán do chineul, agus ata aithreachus air um a nolc.

14 Cia agá bhfuil a fhios má fhilleann sé, agus má ní sé aithrighe, agus beannachd dfágbháil na dhiáigh, eadhon ofráil bhidh, agus ofráil dhighe don Tighearna bhur Ndía?

15 Séidigh an stoc a Sion, náomhuigh troscadh, goiridh coimhthionol sollamonta.

16 Cruinnighidh an pobal: náomhuigh an chlann, agus an mbéid ibhios an chíoch: éirghiodh an fear núadhphósda amach as a sheomra, & an bhean núadhphósda amach as a cúil.

17 Guiledís na sagairt seirbhisigh an Tighearna eidir an bpóirse, agus a naltóir, agus abraidís; Coigil do phobal a Thighearna, agus ná tabhair hoighreacht chum masla, iondus go riaghlochaidís na geinte ós a ccionn: cred as a ndeoraidís a measc an phobail, Cait a bhfuil a Ndía?

18 Ann sin biaidh an Tighearna éadmhar ar son a dhúithche, agus do dhéana sé truáighe dá phobal.

19 Fós freagóruidh an Tighearna, agus déaruidh sé re na phobal, Féuch, cuirfe mé árbhar, agus fion, agus ola chugaibh, agus beithi saitheach leis: agus ní dhéana mé masla dhíbh ní sa mhó a measg na ngeinteadh.

20 Acht áthrocha mé a bhfad uaibh [slúagh] an tuáisceirt, agus tairreonga mé é go tír fholumh fhásuigh, gun a aghaidh leath ris an bhfairge shoir, agus a chuid siar dhe leath ris an bhfairge is faide amach; & tiocfuidh a bhréuntas súas, agus tiocfaidh a dhrochbholadh súas, do bhrígh go ndéarnuidh sè neithe móra.

21 Ná heagluidh, a thír, bíthí súgach, & lúathgháirighidh: óir do dhéana an Tighearna neithe móra.

22 Ná bíodh eagla oruibh, sibhsi a bheathuigh an mhagha: óir atáid ionbheara a nfásuigh ag fás; óir do bheir an crann a thoradh, do bheir an crann fige agus a nfíneamhuin a neart.

23 Bíthí meanmnach másaidh, a chlann Sion, agus lúathghairighidh annsa Tighearna bhur Ndía; óir thug sé an cheidfhearthuinn dibh go measardha, & do bheara sé air an bhfearthuinn teachd a núas chugaibh, an cheidfhearthuinn agus a nfearthuinn dheighionach annsa cheidmhí.

24 Agus béid na hurláir lán do chruithneacht, agus rachuid na dabhcha thairis lé fion, agus le hola.

25 Agus aiseoga mé dhibh na bliadhna a duáigh an locust, an phéist chancair, agus an caterpiler, agus an phéist palmer, mo shlúagh mór noch do chuir mé bhur measc.

26 Agus íostaói go lór, agus bíthí saitheach, agus molfuidhe ainm an Tighearna bhur Ndia do roinn go hiongantach ribh, agus ní náireochthar mo phobal choidhche.

27 Agus aitheontaói go bhfuilim a lár Israel, agus gur misi an Tighearna bhur Ndia, agus nach áon ar bith eile,

uile, agus ní náireochthar mo phobalſa
choidhche.
28 Agus tiucfa a ccrích na dhiáigh ſin,
go ndóirtfidh mé mo ſpiorad air a nuile
fheóil, agus go ttairrghirfid bhur mic,
agus bhur ningheana; do chífid bhur
ſeandaoine aiſlinge, do chífid bhur nó-
gaoidh taibhrighthe.
29 Agus fós doirtfidh mé amach ar
mógláchuibh, agus ar mo bhanóglachaibh
mo ſpiorad annſna láethibhſin.
30 Agus foillſeocha mé ionganta annſna
neamhuibh, agus annſa talamh, fuil, &
teine, agus piléir deatuighe.
31 Fillfighear an ghrían a ndorcha-
das, agus an ghealach a bhfuil, roimhe
an lá mór agus úathbháſach an Tighear-
na, do theacht.
32 Agus tiucfa a ccrích gidh bé ar
bioth ghoirfios air ainm an Tighearna,
go ſiorfuighear é: óir a ſliabh Sion, &
ann Jerúſalem biáidh ſioradh mór, mar
a deir an Tighearna, agus annſa bhfui-
ghilleach noch ghoirfios an Tighearna.

CAIB. III.

Smacht na ccineadhach 16 & cruinniughadh na ccreidmheach, chum righeacht na grása & na glóire.

OIr féuch annſna láethibh ſin, agus
annſa namſin an tan do bhéarus
miſi ar áis braighdionus Júdah, agus
Jerúſalem,
2 Cruinneocha mé fós a nuile chinéul,
agus do bhéara mé ſíos íad go gleann
Jehoſaphat, agus taigeora mé ríu annſin
ar ſon mo phobail, agus ar ſon moigh-
reachda Iſrael, noch do ſcáinreadar a
measg na ccineadhach, agus ar roinnea-
dar mo dhúthaigh.
3 Agus do theilgiodar crannchair air
mo phobal, agus thugadar búachuill ar
mheirdrigh, agus do reacadar óigbhean
ar fhíon, chor go nibhedis.
4 Tuilleamh oile, cred bhur nim-
theachdſa orumſa, a Thíor agus a Shídon,
& uile chóſtadha Phaleſtin? an ccúi-
teochthaoí luáidheachd riom? agus má
chúitighionn ſibh riom, fillfidh mé go
luath agus go tapuidh bhur ccúitiughadh
ar bhur cceann féin.
5 Do bhrígh gur ghlacabhair mairgiod,
& m'ór, & go rugabhair da bhur tteam-
palluibh mo neithe maithe taitneamh-
acha.
6 Do reacabhair fós clann Júdah, agus
clann Jeruſalem ris na Gréagachaibh,
chor go náitreachadh ſibh íad a bhfad
ó na tteóruinn féin.
7 Féuch, tóigſe mé íad as a náit a
reacabhair íad, agus fillfidh mé bhur
ccúitiughadh air bhur cceann féin.
8 Agus reacſa mé bhur mic agus bhur
ningheana a lámhuibh chloinne Júdah,
agus reácfuid íad ris na Sabeánachaibh,
ré daoinibh a nimchéin; óir a dubhairt
an Tighearna é.
9 Fúagruidhſi ſo a meaſc na ngeinteadh;
gléaſuidh cogadh, déunuidh ſuas daóine
neartmhara, tigeadh na huile lucht cog-
aidh a bhfogus, tigedis a níos.
10 Déanuidh cloidhmhthe dá bhur
níarnach ſeiſrighe, agus gáethe dá bhur
ccorránuibh glanta; abradh an lag, Atáim
láidir.
11 Cruinnighidh ſibh féin, agus tigidh-
ſe a gheinte uile, agus cruinnighidh ſibh
féin a bhfóchair a chéile timchioll fá
ccuáirt; tabhair air do dhaóinibh neart-
mhara teacht ſíos ann ſin, a Thighearna.
12 Múſcaltar na geinte, agus tigdís a
níos go gleann Jehoſaphat: óir is ann
ſin ſhuighfios miſi do dhéanamh brei-
theamhnuis na ngeinteadh uile tim-
chioll fá ccuáirt.
13 Cuiridh ann an corrán, óir is
abuidh an fóghmhar; tigidh, éirgidhe
ſíos; óir atá an tomar chum brúighte,
atáid na dabhcha ag cur tharſa; óir is
mór a nurchóid.
14 Slúagh mór, ſlúagh mór a ngleann
na ceannairge: óir atá lá an Tighearna a
ccomhfhogus a ngleann na ceannairge.
15 Dorchochthar an ghrían agus an
ghealach, & coinneochuid na réulta air
ais a ndéallradh.
16 Núallfuidh an Tighearna fós amach
as Sion, & cuirfidh a ghuth amach as
Ieruſalem, & biáidh neamh & talamh ar
crioth; achd budh é an Tighearna dóth-
chus a dhaóine, agus neárt chloinne
Iſrael.
17 Marſin aitheontaói gur miſi an Ti-
ghearna bhur Ndia ag áitreabh ann Si-
on mo ſhlíabh náomhtha; annſin biáidh
Jerúſalem náomhtha, & ní rachfuidh
coimhightheach ar bioth thríthe ní
is mó.
18 Agus tiucfuidh a ccrích annſa ló
ſin go ſilfid na ſléibhthe fíon núadh a
núas, & líonfuid na cnoic le bainne, &
tuileochuid uile ſhrotha Júdah le huiſgea-
dhuibh, agus tiucfuidh tobar amach
as tigh an Tighearna, agus fliuchfuidh ſé
gleann Shittim.
19 Biáidh a Négipt na fáſach, agus
biáidh Edom na fáſach áonránach, do
bhrígh foiréigin a naghaidh chloinne
Judah, do bhrígh gur dhóirteadar fuil
neimhchiontach ann a ndúthaigh.
20 Acht áitreobhuidh Júdah go bráth,
agus Jeruſalem ó ghinealach go ginea-
lach.
21 Oir glanſa miſi a bhfuilſion, nach
ar ghlan mé: óir áitreabhuidh an Ti-
ghearna ann Sion.

AMOS.

CAIB. I.

Buille ó Dhia ar mhorán tighearnadaibh.

BRíathra Amos do bhí a measc áodhaireadh Thecoa, noch do chonnairc sé a ttáobh Israel a laethibh Usiah Rígh Júdah, & a laethibh Ieroboam mhic Joas Rígh Israel, dhá bhliadhuin roimhe an ccríoch talmhan.

2 Agus a dubhairt sé, Núallfuidh an Tighearna ó Shion, agus foillseochaidh sé a ghuth ó Jerusalem, agus guilfid áitreabha na naodhaireadh, agus mullach Charmel.

3 Is marso a deir an Tighearna; Ar son thrí sáruighthe Dhamascus agus & ar son a ceathair, ní choigeola mé iad, do bhrígh gur bhuáileadar Gileád lé súistighibh íaruinn.

4 Acht cuirfidh mé teine go tigh Hasael, noch dhoichsios áite Bhenhadad.

5 Brisfidh mé mar an ccéadna barra Dhamascus, agus géarrfa mé amach an táitreabhthach ó réiteach Abhen, agus an te chongmhas an tslat ríogha ó thigh Eden: & rachfuid daóine na Siria a ndaóirsine go Cir, a deir an Tighearna.

6 Mar so a deir an Tighearna, Ar son thrí sáruighthe Gása, agus ar son a ceathair ní choigeola me iad: do bhrígh go rugadar leó a láimh na braighde go hiomlán, dá seachadadh do Edom.

7 Acht cuirfe misi teine air bhalla Gása, noch dhóichfios a pálais.

8 Agus géarrfa mé amach an táitreabhthach ó Asdod, agus an té chongmhas an tslat ríogha ó Ascelon, agus iompocha mé mo lámh a naghaidh Ecron, & imeochuidh fuighilleach na Bhphilistineach seachad, a deir an Tighearna Día.

9 Marso a deir an Tighearna, Ar son thrí sáruighthe Tirus, agus ar son a ceathair ní choigeola mé iad: do bhrígh gur sheachadar súas na braighde uile do Edom, águs nar chuimhnighiodar an cunradh dearbhráithreamhuil.

10 Acht cuirfidh mé teine ar bhalla Tirus, noch loisgfios a pálais.

11 Marso a deir an Tighearna, Ar son thrí sáruighthe Edom agus ar son a ceathair, ní choigeola mé iad: do bhrígh gur ainlean sé a dhearbhrathair leis an ccloidheamh, agus gur theilg úadh gach uile thrúáighe, agus gur réub a fhearg go síorruidhe & gur chonnaimh a fhearg go síorruighe.

12 Acht cuirfidh mé teine air Théman noch loisgfios páláis Bhosrah.

13 Marso a deir an Tighearna, Ar son thrí saruighthe chloinne Ammon, & ar son a ceathair ní choigeola mé iad: do bhrígh gur scoiltiodar súas mná torrcha Ghileád, chor go bhfairseongaidís a ttéora féin.

14 Acht lasfa mé teine a mballa Rabbah, agus loisgfidh sí a páláis sin, le gáir a ló an chatha, maille re stoirm a ló na gaóithe guáirdeáin.

15 Agus rachfuidh a Rígh a mbraighdionas, é féin, agus a phrionnsadha a néinfheacht, a deir an Tighearna.

CAIB. II.

Tiucfaidh buille ó Dhia ar Mhóab, 4 ar Júdah, 6 is ar Israel.

MArso a deir an Tighearna; Ar son thrí sáruighthe Mhoab, agus ar son a ceathair, ní choigeola mé é; do bhrígh gur loisc sé cnámha Rígh Edom a naol.

2 Acht cuirfidh mé teine air Mhóab & dóighfidh sí palais Ciriot, & éugfaidh Moab le heasargain, lé gáir, agus le fuáim an stuic.

3 Agus geárrfa mé amach an breitheamh as a lár, agus muirfed a uile phrionnsadha maille ris, a deir an Tighearna.

4 Marso a deir an Tighearna; Ar son thrí sáruighthe Júdah, agus ar son a ceathair ní choigeola mé é: do bhrígh gur dhísbeagadar dligheadh an Tighearna, & nár choimhéadadar a aitheanta, & thug a mbréuga orra seachrán do dhéanamh, a ndiaigh ar shiubluigheadar a naithre.

5 Acht cuirfé mé teine ar Júdah & loiscse sí páláis Jerusalem.

6 Marso a deir an Tighearna: Ar son thrí sáruighthe Israel, agus ar son a ceathair ní choigeola mé é: do bhrígh gur reacadar an fíréun air airgiod, agus an bocht ar pheire bróg.

7 Noch shéideanas déis luáithrigh na talmhan air cheann an bhoicht, & iompoighios slighe an cheannsuigh do leathtaoibh: & rachuidh duine, agus a athair chum na maighdine, do maslughadh manma náomhthasa.

8 Agus leagfuid íad féin síos air éaduighibh chuirthior a ngeall, ag a uile altóir, agus ibhid fíon an damnaighthe a ttigh a Ndé.

9 Gidheadh do scrios misi an Tamoríteach rompa, a raibh a áirde cosmhuil le háirde Cedair, agus do bhí láidir amhuil na dairghibh, gidheadh do scrios mé a thoradh a núas, agus a fhréamha faoi.

10 Thug mé sibhsi fós súas as crích na Hégipte, agus do thréoruigh mé sibh ceathrachad bliadhan thríd an bhfásach do shealbhughadh dúithche an Amoríteach.

11 Agus do thóg mé súas cuid do bhur macaibh na bhfáighibh, agus do bhur ndaóinibh óga mar Nasarítibh: nach

marso atáid, a chlann Israel? a deir an
Tighearna.
12 Acht thugabhair fíon do na Na-
saritibh re a ól, agus do áithnigheabhair
do na faighibh, ag rádh Ná déanuidh fái-
gheadóireachd.
13 Féuchuidh, atáimse ar mo bhrú-
ghadh faoibh, amhuil brúightear cairt
bhíos lán do phunnannuibh.
14 Uimesin meithfidh an teitheadh ón
lúath, agus ní neartochuidh an neart-
mhar a láidreachd, ní mó shóorfas an
cumhachdach é féin.
15 Ní mó sheasfas an té ghlacus an
bogha, agus an té bhíos lúath a ccoi-
sigheachd ní tháirtheochuidh é féin, ní
mó shaorfas an té do ní an teach do
mharcuigheachd, é féin.
16 Agus an té is beògha a measg na
ccumhachdach, teithfidh sé as tarnochd
san ló sin, a deir an Tighearna.

CAIB. III.

Is gnáth le Día rabhadh do chur roimhe smacht.

EIstigh an focalso do labhair an Ti-
ghearna bhur naghaidh, a chlann
Israel, a naghaidh na muintire go
hiomlan noch thug mé a níos as crích
na Hégipte, ag rádh,
2 Sibhsi amháin daithin mé duile mhuin-
tearuibh na talmhan: uimesin smaich-
teocha mé sibh ar son bhur nuile éig-
ceart.
3 An féidir días do shiubhal le
chéile, mun bhéid síad réidh?
4 An mbéirfidh an leomhan annsa
bhforaois a nuair nach bfaghann fíadh-
ach ar bioth? a néighfe an leomhan óg
as a uaimh munar ghlac sé ní ar bioth?
5 An bhféadann éun tuitim a bpain-
tear air an ttalamh, áit nach bí gaiste
ar bioth air? an ttóigfe duine paintéar
suas ón ttalamh, agus gan aóinní ar
bioth do thógbháil [ann]?
6 An séidfighear stoc annsa chath-
raigh, agus gan eagla do bheith air an
bpobal? an mbiáidh olc annsa chath-
raigh, & nach é an Tighearna do rinne é?
7 Go deimhin ní dhéana an Tigh-
earna Día éinní gan taisbeanadh a
shecréide dá sherbhíseachaibh na fáighe.
8 Do bhéic an leomhan, cía air nach
biáidh eagla? do labhair an Tighearna
Día, cía nach déana tairrghire?
9 Fúagair ós áird a bpálásaibh Asdod,
agus a bpálásaibh chríche na Hégipte,
agus abair; Cruinnighidh sibh féin air
shléibhtibh Shamáriah: agus féuchuidh
an críoncán mór iona lársin, agus an
drong anróidhteach iona lársin.
10 Oir ni feas dóibh ceart do dhéa-
namh, a deir an Tighearna: noch
chruinnighios foiréigion, agus sladmhói-
reachd iona bpálásaibh.
11 Uimesin is marso a deir an Tigh-
earna Día, Biáidh eascara timchioll sa
ccuirt na tíre, & béaruidh sé do neart
sios uáit, agus sladfuighthear do pháláis.
12 Marso a deir an Tighearna Día,
Mar bheanas an taódhaire as béul an
leomhuin dhá chois, no cuid do chluáis;
is marsin beansuighear clann Israel a-
mach chomhnuidheas a Samária, a ccoir-
néul leabtha, agus a nDamascus a ccúil
leabhtha.
13 Eistighse, agus fíadhnuighidh a
ttigh Jácob, a deir an Tighearna Día,
Día na slógh.
14 Annsa ló a naigeóra mé sarughadh
Israel air, aigeora mé fós altóra Bhetel,
agus géarrfuighear adharca na haltóra
dhí, agus tuitfid chum na talmhan.
15 Agus buáilfidh mé an tigh geimh-
ridh leis an ttigh samhruigh; agus im-
eochuid na tighthe dfíaclaibh Elephant
seachad, agus biáidh críoch aig na tigh-
thibh móra, a deir an Tighearna.

CAIB. IV.

Indbeargadh fhoirrneart na bprionnsa, & an phobail.

EIstighsi an focalso a bhath Básan,
atá a sliabh Shamária, noch shár-
uighios an bocht, noch chrúpas an riach-
danach, noch a deir re na maighi-
istribh, Tabhruigh agus ibheam.
2 Do mhionnuigh an Tighearna Día
fa na náombthacht, féuch, go ttiocfuid
na laethe oruibh go mbéara sé leis sibh le
crúcadhuibh, agus bhur sliocht le dubh-
ánuibh iascuireachta.
3 Agus rachthaoi amach air na béar-
nuibh gach [áon bhó air an ní bhias]
roimpe, agus teilgfidhe iad annsa phálás,
a deir an Tighearna.
4 Tigidh go Bet-el agus saruighidh,
ann Gilgal oirlionuidh peacadh, agus thu-
gaidh bhur níodhbhartha libh gach mai-
din, agus bhur ndeachmhadha tar éis
thrí mbliadhan.
5 Agus ofráluidh íodhbuirt bhuidhea-
chuis maille re loibhin, agus fúagruidh
agus foillsighidh na hoffrála toileamhla:
óir taitnigh so ribhsi, a chlann Israel,
a deir an Tighearna Día.
6 Agus thug misi fos gloine fhíacal
dibh ann bhur ccaithreachaibh uile, &
easbhuidh aráin ann bhur bpálásaibh;
acht cheana níor filleabhair chugamsa,
a deir an Tighearna.
7 Agus marsin do chonnaimh mé a
nfearthuinn uaibh a nuair do bhádar
fós trí mhí gus an bhfóghmhar, & thug
mé air, fearthuinn air áonchathruigh; &
thug mé air, gan fearthuinn air chathruigh
oile: do fearadh air chuid amháin, agus
an chuid air nar fearadh, do chríon sé.
8 Marsin do sheachránadar a dó nó
a trí do chaithreachaibh go háoncha-
thruigh dól uisge; acht níor sásadh iad:
gidheadh níor fhilleabhair chugamsa,
a deir an Tighearna.
9 Do bhuáil mé sibh le loscadh gaói-
the, agus le milchéo; an tan dfásadar

 bhur

bhur ngáirdíne, & bhur bhfíneamhna, &
bhur ccroinn fige, agus bhur ccroinn
ola, do mhill an phéisd palmer íad :
gidheadh níor fhilleabhair chugamsa, a
deir an Tighearna.
10 Do chuir mé an phláigh bhur
measg do réir ghnátha na Hégipte :
do mharbh mé bhur ndaóine óga ris an
cclóidheamh, agus rug mé bhur neich
úaibh, agus thug mé air bhréantas bhur
bhfoslongphort teacht súas chum bhur
bpolláireadh : gidheadh níor fhilleabhair
chugam, a deir an Tighearna.
11 Do scrios mé cuid díbh amhuil do
scrios Día Sodom agus Gomorrah, agus
do bhádhbhair amhuil aithinne ar na
tharruing amach as an losgadh : thairis
sin níor fhilleabhair chugamsa, a deir
an Tighearna.
12 Ar a nadhbharsin is marso do dhéa-
na mé riot, a Israel : agus do bhrígh go
ndéana mé so riot, ullmhaigh do theag-
mháil ré do Dhía, a Israel.
13 Oir féuch, an té chumas na sléibh-
te, agus chruthuighios an ghaóth, agus
fhoillsighios don duine cred is smúain-
eamh dhó, do ní dorchadas don mhai-
din, agus shaltras a náitibh árda na
talmhan, isé a ainm, An Tighearna Día
na slógh.

CAIB. V.

An cor ar a bféidir lé Hisráel scrios do sheachna.

EIstigse an bhríatharso noch thóg-
bhuimsi súas bhur naghaidh, eadhon
cáoineadh, a thigh Israel.
2 Do thuit maighdion Israel, ní éir-
eocha sí ní is mó : do thréigeadh í air
a dúthaigh, ní bhfuil duine ar bioth dá
tógbhail súas.
3 Oir is marso a deir an Tighearna
Día, An chathair do chuáidh amach na
míle, fúigfidh sí céud ; agus an chathair
do chuáidh amach na céad, fúigfidh sí
deichneamhar ag tigh Israel.
4 Oir is marso a deir an Tighearna
ré tigh Israel, Iarruidhsi misi, agus
mairfidhe.
5 Acht ná híarruidh Bet-el, agus ná
héirghidh a steach go Gilgal, agus ná
gluáisigh go Beer-seba : óir rachfuidh
Gilgal go deimhin a mbraighdionas, &
rachfuidh Bet-el a neimhní.
6 Iarruidh an Tighearna, agus mair-
fidhe, deagla go mbrisfeadh sé amach
amhuil teine a ttigh Jóseph agus go
loisgfiodh sé *é*, agus nach biath duine air
bioth a Mbet-el do mhúchfadh é.
7 Sibhse iompoighios breitheamhnus a
murmónta, agus léigios díbh fíréantacht
annsa talamh,
8 Iarruidh an té do ní na seacht réulta,
agus Orion, agus iompoighios scáile an
bháis a maidin, agus do do ní an lá
dorcha ris a noidhche : noch ghoirlos air
uisceadhuibh na fairge, agus dhóirtios
amach íad ar ghnúis na talmhan, isé an
Tighearna a ainm :
9 Noch neartuighios an [té bhíos]
creachta a naghaidh an neartmhair ; ion-
dus go ttiucfaidh [an drong] chreachta
a naghaidh an daingin.
10 Fúathuighid síad an té aithbhirios
annsa gheata, agus gráinid ris an té
labhras go díreach.
11 Ar a nadhbharsin do bhrígh gurab
air an mbocht shaltras sibh, agus go
mbearthaói úaluighthe cruithneachda
úadha, do rinneabhair tighthe do chloch-
aibh snoighte, acht ní áitreochthaói ionta:
do phlanndaigheabhair fíneamhna tait-
neamhacha, acht ní iobhthaói fíon díobh.
12 Oir is aithnid damhsa bhur níomad
ciontadh, agus bhur bpeacuidhe an-mhó-
ra : céusuid an fíreún, glacuid cumh-
aidh, & fillid an bocht do leathtáoibh
annsa gheata.
13 Uimesin tochdfuidh an duine críon-
na san namsin ; oir is drochaimsir í.
14 Iarruidh maith, agus narab olc,
chor go mairfidhe : agus marsin go
mbiáidh an Tighearna Día na slógh libh
mar do labhrabhair.
15 Fuathuighidh an tolc, agus grá-
dhuighidh an mhaith, agus suighidh brei-
theamhnus annsa gheata, dob éidir go
mbíath an Tighearna Día na slógh grá-
samhuil ré híarsma Jóseph.
16 Uimesin an Tighearna Día na
slógh, is marso a deir an Tighearna,
Biáidh caói annsna huile shráidibh, &
a déaruid annsna huile thlighthibh móra,
Mó thruáighe, mo thruaighe : & goirfidh
an fear oibre chum cumha, & an lucht
bhíos éolach a ccaóineadh, chum caóinte
17 Agus biáidh caóineadh ann gach
uile gharradha fíneamhna : óir géabha
misi thríd, a deir an Tighearna.
18 A mhairg dhíbhsi air a bhfuil fonn
laói an Tighearna : cred é so dhíbhse? is
dorchadus lá an Tighearna, agus ní solus?
19 Amhuil dá tteitheadh duine roimhe
leomhan, agus go tteigeomhadh bethir
air; agus go rachadh a steach annsa tigh,
agus a lámh do léigion air an mballa, &
aithir nimhe do bhreith air.
20 Nach budh dorchadus lá an Ti-
ghearna, agus ní solus? eadhon ro dhor-
cha agus gan soillsi ar bioth ann.
21 Fúathuighim, disbeaguim bhur
laéthe sollamonta, agus ní bhoilteocha
mé ann bhur ccoimhthionóluibh solla-
monta.
22 Bíodh go nofráluidhe dhamhsa of-
ráil loisge, agus bhur nofrála bídh, ní
ghéabha misi iad : ní mó chuirfios mé
suim a nofrála síodhchána bhur mbea-
thach meith.
23 Beir thusa uaim fuáim do chaintic :
óir ní éistfe mé ceól hadhbhuidh.
24 Acht riothadh breitheamhnus síos
amhuil uisgeadha, agus fíréantacht a-
mhuil sruth laidir.
25 Nar ofrálabhair dhamhsa íodhbar-
tha agus ofrála annsa bhfásach ceathra-
chad bliadhan, a thigh Israel?

26 Acht diomchrabhair Tabernacuil
bhur Moloch agus Chiun bhur níomh-
áighe, réult bhur ndé noch do rinnea-
bhair dhibh féin.
27 Uimesin do bhéara misi oruibhsi
dul a ndaóirsine taobh thall do Dha-
mascus, a deir an Tighearna, darab
ainm, Dia na slógh.

CAIB. VI.

Do ni macnus chlainne Israel, 7 dáor 12 doith leighis, íad.

AMhairg don mhuintir atá a soca-
mhal ann Sion, agus chuirios a
ndóigh a sliabh Shamáriah, noch dá
ngoirthear togha na ccineadhach, chum
a ttáinic tigh Israel.
2 Imthighidh sibhsi go Calneh, agus
féuchuidh; agus éirghidhe as sin go
Hemat mór: annsin imthighidh síos
go Gát na Bhphilistineach: an féarr
iad náid na ríoghachtasa? nó an mó
a tteórainn ná bhur tteóruinnsi?
3 Sibhsi chuirios a bhfad uaibh an
droch lá, agus do bheir ar cathaoir a
néigin do theacht a bhfogus;
4 Noch luighios ar leabthachaibh
dfiaclaibh Elephant, agus shinios iad
féin air a leabthachaibh, agus ithios na
huáin amach as an ttréad, agus na
gamhna as lár an stalla;
5 Noch chanas le fuáim an bhíol,
agus ghléasas dóibh féin adhbhadha
ciúil cosmhuil re Dáibhi;
6 Noch ibhios fíon a mbulladhuibh,
agus ungas iad féin leis na holuighibh
is toghtha: acht ní bhfuil doilghios
orra ar son anshogh Joseph.
7 Anois uimesin, rachfuid siad a
mbraighdionas leis an cceáddroing
rachfus a láimh, agus áithreochtar fleadh
na droinge do shín iad féin.
8 Do thug an Tighearna Día é féin
mar mhionnuibh, a deir an Tighearna
Día na slógh, Fúathuighim oirdhearcus
Iácob, agus fúathuighim a pháláis:
uimesin seachóduigh mé súas an chath-
air gun a bhfuil innte uile.
9 Agus tiucfuidh a ccrích má fha-
nann deichneamhar fear a neintigh,
go bhfuighid siad bás.
10 Agus tóigfe dearbhrathair a athar
súas é, agus an té loisgios é do thabhairt
a chnámh amach as an ttigh, agus a
déara sé ris an té bhías ag táobhuibh
an tighe; An bhfuil duine ar bioth
agad? agus a déara seision, Ní bhfuil.
Annsin a déara seision, Coisg do theang-
ga: óir ní fhéadmaoidne teacht thar
ainm an Tighearna.
11 Óir féuch, daithin an Tighearna,
agus buáilfidh sé an tigh mór le bris-
tibh, agus an tigh beag le scoiltibh.
12 An riothfuid eich air an ccaruic?
an ttreabhochtha aon le damhuibh? óir
pfilleabhair breitheamhnus chum dom-
blais, agus toradh a nionracuis a
muinmhear.
13 Sibhsi noch sholásuighios ann ní
gan tadhbhacht, noch a deir, Nach ar
ghabhamar chugainn adharca le ar
neart féin?
14 Acht féuch, tóigfe misi súas cin-
eadh bhur naghaidh, a thigh Israel, a
deir an Tighearna, Día na slógh, agus
buáidheoruid siad sibh ó dhul a steach
Hemat go habhuinn a nfásuigh.

CAIB. VII.

Taisbeanadh sciúrsa na nlocuistigh, 4 na teine, 8 & na dorubha.

MArso do thaisbéin an Tighearna Día
dhamhsa, agus féuch do chum sé
lócuistigh a ttús theacht amach an dara
fáis; agus féuch, do bé sin an fás dei-
ghionach déis spealadóireachda an
Righ.
2 Agus tárla a nuáir do chríoch-
nuigheadar ithe féir na tíre, annsin a
dubhairt misi, A Thighearna Día,
Maith, íarruim dathchuinge ort: cía le
néireochuidn Iácob? óir is beag é.
3 Do ghabh aithreachus an Tighearna
uimeso; Ni bhiáidh, a deir an Tighearna.
4 Is marso do thaisbéin an Tighearna
Día dhamhsa, agus féuch, do ghoir an
Tighearna Día ceannairg le teine, agus
do loisg sé an taigean mór a duáigh
súas cuid [di.]
5 Ansin a dubhairt misi, A Thighear-
na Día, coisg, íarruim dathchuinge
ort; cía le néireochuid Iácob? óir
is beag é.
6 Do ghabh aithreachus an Tigh-
earna uimeso: ní bhiáidh, a deir an
Tighearna Día.
7 Is marso do thaisbéin sé dhamh,
agus féuch, do sheas an Tighearna air
bhalla déanta le dorubha, maille re
dorubha iona láimh.
8 Agus a dubhairt an Tighearna
riom, A Amóis, cred do chí tú? agus
a dubhairt misi, Dorubha; ann sin a
dubhairt an Tighearna, Féuch, cuir-
fidh misi dorubha a measc mo pho-
bail Israel, ní ghéaba mé láimh ríu ní
sa mhó.
9 Agus béid áite árda Isaac náig-
neach, agus leagfuighear Israel na
bhfásach, agus éireochuidh mé a
naghaidh thighe Ieroboam, leis an
ccloidheamh.
10 Ann sin do chuir Amasiah sagart
Bhét-el fios go Ieroboam Righ Is-
rael, ag rádh, Dfeall Amos ad adhuigh
a lár thighe Israel; ní héidir leis an

ttír a bhriathra uile diomchar.
11 Oir is marſo a deir Amos, Eug-
fuidh Jeroboam leis an ccloidheamh,
agus béarthar Iſrael go deimhin a
láimh as a ttír féin.
12 Fós a dubhairt Amaſiah re Ha-
mos, Thuſa a fhir fiſe, imthigh, teith
romhad go tír Júdah, agus ith arán
annſin, agus tairrghir ann.
13 Acht ná tairrghir a rís ní is mó a
Mbétel : óir iſé ſépel an Rígh é, agus
iſí cúirt an Rígh í.
14 Annſin do fhreagair Amos, agus
a dubhairt ſé re Hamaſiah, Ní fáigh mi-
ſi, nó mac fáighe mé ; acht dob áodh-
aire mé, agus do budh cruinneochthóir
toruidh figeadh fiadháin mé.
15 Agus do ghlac an Tighearna mé,
mar do lean mé an tréud, agus a du-
bhairt an Tighearna riom, Imthigh
tairrghir dom phobal Iſrael.
16 Anois uimeſin éiſt thuſa briathra
an Tighearna ; a deir tú ; Na tairrghir
a naghaidh Iſrael, agus ná ſil do bhría-
thra a naghaidh thighe Iſaac.
17 Uimeſin is marſo a deir an Ti-
ghearna, Biáidh do bhean na meir-
drigh annſa chathruigh, agus tuitfid do
mhic agus hingheana leis an ccloidh-
eamh, & roinnfighear thfearann le do-
rubha : & do gheabha tú bás a bhfearann
thruaillighthe, agus rachaidh Iſrael go
deimhin a ndaoirſine as a ndúithche.

CAIB. VIII.

Tairrghir ar ghorta & thart bhreithre Dé.

IS marſo do thaisbéin an Tighearna
Día dhamhſa, agus féuch, cliabh do
thoradh ſamhruigh.
2 Agus a dubhairt ſé, A Amois, cred
do chí tú ? agus a dubhairt miſi, Cliabh
do thoradh ſamhruigh : annſin a dubh-
airt an Tighearna riomſa, Tháinic an
deireadh air mo phobal Iſraél, ní ghéa-
bha mé láimh ríu ní is mó.
3 Agus budh núallfhurtach cainticidh
an teampuill ſan ló ſin, a deir an Ti-
ghearna Día : biáidh mórán do chorp-
uibh marbha ann gach áonáit, teilgfid
ſiad amach íad le ciunas.
4 Eiſtigh ſo a lucht ſhluigios ſúas na
ríachdanuigh, eadhon do thabhairt ar
bhochtaibh a nfearuinn meath,
5 Ag rádh, Cá huáir rachus an ghea-
lach núadh uáinn, chor go reacſam ar-
bhar ? agus an tſabboid, le ccuirfemís
cruithneacht amach, ag déanamh an
Ephah beag, agus an tſecel mór, agus
ag fallſughadh na ccomhthrom le meall-
toireachd ?
6 Chor go cceinneochamaóis an
bochd le hairgiod, agus an teasbhadh-
ach air phéire bróg ; fós go reacam
ſalchar na cruithneachda ?
7 Do mhionnuigh an Tighearna tre
oirdhearcus Jácob, Go deimhin ní dhear-
moda mé go bráth áoinni dá noibrea-
chaibh.
8 Nach ccriothnochuidh an talamh
uimeſo, & nach ccaóidhfidh gach duine
dá ccomhnuighionn ann ? agus éireoch-
uidh ſúas go hiomlán amhuil tuile, agus
teilgfighear amach, agus báidhfighear
é, amhuil le tuile na Hégipte.
9 Agus ttiucſa a ccrích annſa ló ſin,
a deir an Tighearna Día, go ttiubhra
miſi air an ngréin dul ſaói ſan meadhon
laói, agus do dhéana mé an talamh
dorcha ſan ló ghlan.
10 Agus iompocha mé bhur bhféuſta-
dha a ndobrón, agus bhur nabhráin
uile a ccumhaidh, agus do bhéara mé
ſaicéadach ſúas air a muile leaſrach, &
maoile air gach uile cheann : agus do
dhéana mé é amhuil mar budh cumh-
aidh ar ſon aóinmhic, agus a chríochſin
amhuil deireadh laói ſheirbh.
11 Féuch, tiucfuid na laéthe, a deir
an Tighearna Día, go ccuirfe miſi gorta
annſa tír ; ní gorta aráin, nó tart uiſge,
achd (gorta) éiſteachda bhréithre an
Tighearna.
12 Agus ſeachránfuid ó fháirge go
fairge, agus ón ttuáiſceart gus an deiſ-
ceart, riothfuid ſiad ſios ſúas díarruidh
bréithre an Tighearna, acht ní bhfuighid
ſiad í.
13 Annſna laéthibhſin anbhfainnfid
na maighdiona breághdha, agus na
daóine óga lé tart.
14 An drong mhionnuighios ſa phea-
cadh Shamária, & a deir, A Dhan, mair-
idh do Dhía ſe, agus mairidh modh
Bheer-ſeba, eadhon tuitfid ſiadſin, agus
ní éireochuid ſúas a rís go bráth.

CAIB. IX.

Déis uaigneas Iſrael, 11 tógfaidh an Meſſias pailliun Dhaibhi, do thuit.

DO chonnairc mé an Tighearna na
ſheaſamh air a naltóir, & a dubhairt
ſé, Buáil an fárdorus, chor go ccroithid
na poſtadha : agus géarr annſa chionn
íad uile, agus muirfidh miſi an deigh-
ionach dhíobh leis an ccloidheamh : an
té theithfios díobh ní rachfuidh ſé as, &
an té rachfus as, ní ſaorfuighear é.
2 Dá mbeith go ttocholaidís go hif-
rionn, do bhéara mo lámhſa as íad : dá
mbeith go ndéandaois dreapaireacht ſúas
go neamh do bhéara mé liom as ſin a
níos íad.
3 Agus dá mbeith go bhfoileochaidís
íad féin a mullach Charmel, ſpíonſa mi-
ſi, agus do bhéara mé as ſin íad ; agus
dá mbeith go mbeidís a bhfolach ón
radharc a níochtar na fairge, annſin
áitheonuidh mé don naithir nimhe, agus
beanfuidh ſí greim aſta.
4 Agus má atá go rachaidís a ndaóir-
ſine roimhe a naimhde, áitheonuidh
mé don chloidheamh ás ſin, agus muir-
fidh ſé íad, agus cuirfidh mé mo ſhúile
orra le holc, agus ní lé maith.
5 Agus iſé an Tighearna Día na
ſlógh bheanſas ris an bhfearann, agus
leaghfuidh

leaghfuidh ſé, agus caóidhfidh a nuile
dhoine áitreabhus ann, agus éireochuidh
ſúas go hiomlán amhuil tuile, agus bi-
áidh báidhtbe mar thuile na Hégipte.
6 A ſé do ní a ſheomradha annſna
neamhuibh, agus do ſhuidhigh a ſhlúagh
annſa talamh, an té ghoirios air uiſ-
ceadhuibh na fairge, agus dhóirtios a-
mach íad air adhaigh na talmhan : iſé
an Tighearna a ainm.
7 Nach bhfuiltí mar chloinn na Ne-
tiopeach dhamhſa, a chlann Iſrael, a deir
an Tighearna ? nach ttug mé Iſrael a-
mach as crích na Hégipte ? agus na
Philiſtinigh as Caphtor, agus na Siri-
anuigh ó Chir ?
8 Féuch, atáid ſúile an Tighearna
Día air an rioghacht pheacuigh, agus
ſcriosfa miſi í ó ghnúis na talmhan, a-
mháin nach millfe mé tigh Jácob thríd
amach, a deir an Tighearna.
9 Oir ſuáigeoruidh miſi, agus cáithfidh
mé tigh Iſrael a meaſc na nuile chinea-
dhach, amhuil chorruighthior arbhar a
ccríathar, gidheadh ní thuitfidh an
gráinne is lugha air an ttalamh dhe.
10 Eugfuid uile lucht peacuidh mo pho-
bailſi leis an ccloidheamh, noch a deir,
Ní bhéara an tolc oruinn, agus ní thoir-
meoſcuidh ſinn.
11 Annſa ló ſin tóigfe mé ſúas taber-
nacuil Dháibhi do thuit, agus druidfidh
mé ſúas a bheárnadha, agus cóireacha
mé ar thuit de, agus cuirfe mé ſúas
é mar annſna laéthibh a nallód :
12 Chor go ſealbhochuid íarſma E-
dom, & na ngeinteadh uile noch goir-
thear am ainmſi, a deir an Tighearna do
ní ſo.
13 Féuch, tiucfuid na laéthe, a deir an
Tighearna, go mbéaruidh an toireamh
air an mbúanuighe, agus fear bhrúite na
ccáor air an té chuirios an ſíol, agus
ſilfid na ſléibhte fíon milis, agus leigh-
fid na huile chnoic.
14 Agus do bhéara mé a rís ar a
nais braighde mo phobail Iſrael, agus
cuirfid ſúas na caithreacha fáſuidh, agus
áiteochuid íad, agus plainndeochuid fín-
eamhna, agus íobhuid a fíon ſin, do
dhéanuid fós gáirdínighe, agus íoſuid dá
ttoradh.
15 Agus plainndeocha miſi ann a ndú-
thaigh íad, agus ní tharrongthar íad ni ſa
mó a níos as a ndúthaigh, noch thug mé
dhóibh, a deir an Tighearna a Ndía ſan.

O B A D I A H.

CAIB. I.

Smacht Edom arſon uabhar & euccoir;
17 lé buaidh Jacob air, tríd Críoſd.

FIS Obadiah : is marſo a deir
an Tighearna Día a ttáobh
Edom, Do chualamar aithris
ón Ttighearna, agus do cuir-
eadh teachta a meaſc na
ngeinteadh, éirghidhſe, agus
éirghiom ſúas na haghaidh a ccath.
2 Féuch, do rinne mé beag thú a
meaſc na ngeinteadh, is mór do tar-
cuiſnigheadh thú.
3 Do mheall uabhar do chroidhe thú :
thuſa chomhnuighios a ſcealpuibh na
carrag, ar bhárd hionad comhnuidhe,
noch a deir iona chroidhe, Cía bhéaras
miſi ſíos chum na talmhan ?
4 Má atá go náirdeocha tuſa thú féin
mar an niolar, agus má atá go ccuirfe
tú do nead a meaſc na réaltann, do
bhéara miſi as ſin a nuas thú, a deir
an Tighearna.
5 Má thangadar gaduighthe chugad,
má thigid ſladmhóiridh ſan noidhche
(ciondus do gearradh amach thú) nach
goidfidís nó go mbeith go lór aca ? dá
ttigedis lucht cnúaſuigh na ccáor chugad,
nach bhfúigfidís cuid do na cáoruibh ?
6 Ciondus do ſpíonadh amach neithe
Eſau, ciondus do híarradh ſúas a neithe
foluighthe acha ?
7 Thugadar uile dhaóine do chum-
ainn chum na teórainn thú, do mhealla-
dar na daóine do bhí ſíothchanta riot
tú, agus rugadar buáidh ort : thug an
lucht ithios harán cneadh fúd, ní bhfuil
tuicſe ar bioth annſan.
8 Nach ſcriosfa miſi annſa ló ſin, a deir
an Tighearna, daóine glioca amach as
Edom, agus tuicſi as ſlíabh Eſau ?
9 Agus claóidhfighear do dhaóine cu-
mhachdachaſa, a Théman, chor go ngéarr-
fuighear amach le hár a nuile dhuine
do ſhlíabh Eſau.
10 Ar ſon thfoiréigin a naghaidh do
bhrathair Jácob, foileochuidh náire thú,
& géarrfuighear amach thú go bráth.
11 Annſa ló ar ſheas tú don taóibh
oile annſa ló a rugadar coimhthighidh,
a ſhluáigh a láimh, agus a ndeachadar
eachtarannuigh a ſteach iona gheata,
agus ar teilgiodh crannchair air Jeruſa-
lem, do bhí tuſa mar aon díobh.
12 Acht níor chóir dhuit féuchuin air
lá do dhearbhrathar annſa ló a ndéar-
nadh coimhthigheach dhe, ní mo budh
déanta dhuit gáirdeachus ós cloinn Júdah
a ló a naidhmhillte, ní mó budh labhartha
dhuit go huáibhreach a ló na haindeiſe.
13 Níor dhulta dhuit a ſteach go
geata mo phobail a ló a naindeiſe ; fós
níor bhféuchta dhuit a naindeiſe a ló a
mbuáidheartha ; nó lámh do chur ar a
maóin a ló a namhgair.
14 Ní mó budh ſeaſta dhuit annſa
tſlighe chroſaigh, do ghearradh amach
an lucht do chuaidh as díobh da mhuintir :
ní mó budh ſeachadtha dhuit an mhéid
dá mhuintir do fhan a ló na dibhfheirge.

15 Oír atá lá an Tighearna a bhfo-
gus air na geintibh uile, mar do rinne
tuſa, do dhéantar amhluidh riot: iom-
pocha do luáidheacht air do chionn féin.
16 Oír amhuil do ibheabhair air mo
ſhliabh naomhthaſa; marſin iobhuid
na geinte uile a ccomhnuidhe, aſeadh,
iobhuid ſiad, agus ſluicfid ſiad ſios, &
béid ſiad amhuil is nach beithdís.
17 Acht ar ſhliabh Sion biáidh tár-
tháil, & biáidh náomhthachd annſin, &
ſealbhochuidh tigh Jacob a ſealbh féin.
18 Agus biáidh tigh Jácob na theine,
agus tigh Ióſeph na laſair, agus tigh
Eſau na chonnlach, agus laſfuid ionta,
agus dóichfid íad, agus ní fhanſa áon
do thigh Eſau: óir a dubhairt an Ti-
ghearna é.
19 Agus an drong ó dheas, ſealbho-
chuid ſliabh Eſau (agus ſealbhochuid)
lucht an réitigh, na Philiſtinigh; agus
ſealbhochuid ſiad magha Ephraim, agus
magha Shamária, agus ſealbhochuidh
Benjamin Gilead.
20 Agus (ſealbhochuid) braighde an
tſluáighſe chloinne Iſrael, fearann na
Gcananiteach, eadhon go Sarephat,
agus ſealbhochuid braighde Jeruſalem,
noch atá ann Sepharad caithreacha an
deiſceirt.
21 Agus tiucfuid cobharthuigh ſúas
air ſhliabh Sion do dhéanamh breith-
eamhnuis air ſhliabh Eſau, agus budh
leis an Ttighearna an ríoghachd.

JONAH.

CAIB. I.

Jonah ag teicheamh, 4 do toirmioſcadh le anfa, 11 & do teilgeadh ſa nfairge, é.

ANois tháinic briathar an
Tighearna chum Jónah
mhic Amittai, ag rádh,
2 Eirigh, imthigh go Ni-
nebheh an chathair mhór
ſin, agus déana comhairc
na haghaidh: óir tháinic a ccionta ſúas
dom lathairſi.
3 Acht deirigh Iónah ſúas do theith-
eamh go Tarſis ó lathair an Tighearna,
agus do chuáidh ſíos go Ioppa; & fuair
long ag dul go Tarſis: marſin do dhíol
ſé ar ſon a bheirthe thairis, agus do
chuáidh innte ſíos do dhul leó go Tar-
ſis ó lathair an Tighearna.
4 Acht do chuir an Tighearna gáoth
mhór amach air an bhfairge, agus do
bhí anfa ro mhór air an bhfairge, ion-
dus gur ſhaóil an long bheith briſte.
5 Annſin do bhádar na máirneal-
uigh eaglach, & déigh gach áon air a
dhía, & do theilgeadar a nearradh do
bhí ſan loing annſa bhfairge dá néadtro-
madh féin: acht do chuáidh Iónah ſíos
ar thaobhuibh na luinge, agus do luidh,
agus do bhí ſé na chodladh go trom.
6 Annſin tháinic maighiſtir na luinge
chuíge, agus a dubhairt ſé ris, Cred is
ciáll duitſi, a chodaltaigh? éirigh, goir
air do Dhía, a ndóigh go ſmuainteochadh
Día oruinne nach báidhti ſinn.
7 Agus a dubhairt gach áon aca re
na chompánach, Déanam, agus teilgíom
crainn, chor go naitheonam cía ar ſon
a ttig an tolcſo oruinn: annſin do
theilgiodar na crainn, agus do thuit an
chrannchar air Ionah.
8 Annſin a dubhradarſan ris, Innis
dúinn, iarrmaod dathchuinge ort, cía
ar ſon a ttig an tolcſo oruinn? cred
is ceird duit? agus cáit as a ttig tú?
cía is tír dhuit? agus cía na daóine
dár díobh thú?
9 Agus a dubhairt ſeiſion ríu, Eabh-
radhach mé, agus atá eagla an Tighear-
na Día neimhe orum, noch do rinne a
nfairge agus an talamh tirim.
10 Annſin do bhádar na daóine eag-
lach go hanmhór, agus a dubhradar ris,
Cred um a ndéarna tuſa ſo! (óir do
thuigiodar na daoine gur theith ſé
roimhe ghnúis an Tighearna, do bhrígh
gur innis ſé féin dóibh é.)
11 Annſin a dubhradar ris, Cred do
dhéanam riot, chor go mbía a nfairge
ciúin (óir doibrigh a nfairge, agus do
bhí ſí anfadhach.)
12 Agus a dubhairt ſeiſion ríu, Tóg-
bhuidh ſúas mé, agus teilgidh amach
ſan bhfairge mé; mairſin biáidh a
nfairge ciúin aguibh: óir atá a fhios
agum gurob air mo ſhon féin atá an
tanfa morſo oruibh.
13 Thairis ſin diomramhadar na fir
go láidir dá thabhairt a ttír, acht níor
fhéadadar: óir doibrigh a nfairge agus
do bhí ſí anſadhach na naghaidh.
14 Uimeſin déigheadar air an Tí-
ghearna agus a dubhradar, Iarrmaoid
dathchuinge ort, a Thighearna, iarr-
maoid ort, ná ſcrioſtar ſinn ar ſon
bheatha an té ſo, agus ná léig fuil neimh-
chiontach oruinne: óir do rinne tuſa,
a Thighearna, amhuil fa toil leat féin.
15 Marſin do thógbhadar Iónah ſúas,
agus do theilgeadar amach ſan bhfairge
é, agus do ſcuir a nfairge do chonſadh.
16 Annſin do bhí eagla an Tighearna
go hiomarcach air na daóinibh, agus doſ-
ráladar íodhbuirt don Tighearna, agus
thugadar móide.
17 Anois dórduigh an Tighearna íaſg
mór do ſhlugadh Iónah ſúas: agus do
bhí Iónah a mbhroinn a néiſg trí lá,
agus trí hoidhche.

CAIB. II.

Urnaigh Jonah as broinn a néiſg, 10 & a ſháoradh.

ANnſin do ghuidh Iónah an Tighearna
a Dhía as broinn a néiſg.

2 Agus

2 Agus a dubhairt sé, Déigh mé do bhrigh maindeise chum an Tighearna, & do chúaluidh sé mé: as broinn na huáighe déigh mé, & do chúala tú mo ghuth.

3 Oír do theilg tú annsa naigéun mé a lár na bhfairgeadh, agus tangadar na tuilte am thimchioll, do chúadar do threathain agus do thonna thorum.

4 Annsin a dubhairt mé, Atáim teilgthe as do radharcsa, gidheadh féuchfaidh mé a ris leath red theampall náomhtha.

5 Thangadar na huisceadha um thimchioll, eadhon go nuige an tanam; do dhruid an taigéan umam timchioll sa ccuairt, do chrap a nfeamnach timchioll mo chinn.

6 Do chuáidh mé sios go híochtar na sléibhteadh, do bhí an talamh go na bharradhuibh am thimchioll go bráth: gidheadh thug tusa manam súas ó thruailleadh, a Thighearna mo Dhía.

7 An tan do anbhfainnigh manam ionnam a stigh, do chuimhnigh mé air an Ttighearna, agus tháinic murnuigh chugad a steach dot theampall náomhtha.

8 An drong choimhéadas díomhaóinis bhréagacha, tréigid siad a ttrócaire féin.

9 Acht íodhboruidh misi dhuitsi maille re guth bhuidheachuis, díolsa mé an ní noch do mhóidigh mé: is ón TTighearna atá slánughadh.

10 Agus do labhair an Tighearna ris a níasg, agus do sceith sé Jónah amach air an ttalamh ttirim.

CAIB. III.

Aithreachus uirisle, & Saoradh dhaóine Ninebheh tar éis seanmora Jonah.

AGus tháinic briathar an Tighearna go Jónah an dara huáir, ag rádh.

2 Eirigh, imthigh go Ninebheh an chathair mhórsin, agus seanmóir dhi an tseanmóir a déara misi riot.

3 Annsin déirigh Jónah, & do chuáidh go Ninebheh do réir bhréithre an Tighearna: (anois do bhí Ninebheh na chathruigh ro mhóir, uidhe thrí lá daistior.)

4 Agus do thosuigh Jónah ar dhul a steach don chathruigh aistior laói, & dfúagair, & a dubhairt, Go fóill ceathrachad lá & scriosfuighior Ninebheh.

5 Mairsin do chreididodar daóine Ninebheh a Ndia, & dfuagradar trosgadh, & do chuireadar saicéadach umpa, eadhon òn té is mó gus an té is lugha.

6 Oir tháinic focal chum Righ Ninebheh, & déirigh sé as a chathaoir, & do chuir a róba uadh: & dfoluigh é féin le saicéadach, & do shuigh a luáithreadh.

7 Agus thug sa deara a shuagra, agus shoillsughadh air feadh Ninebheh (maille re hórdughadh an Righ & a úasal ag rádh, Duine nó beathach, airghe nó tréad, ná blaisedis éainní, ná hinghiltedis, agus ná hibhedís uisge.

8 Acht folchthar an duine, agus an beathach le saicéudach, agus éighedis go hárd chum Dé; asadh, filleadh gach áon díobh ó na dhroichshlighe, agus ó néigion atá iona lamhuibh.

9 Cia agá bhfuil a fhios nach iompochadh Día, & go madh aithreach é, & go bhfillfeadh sé ó na fheirg fhíochmhuir, iondus nach imthighiom seachad?

10 Agus do chonnairc Día a noibreacha gur impoigheadar ó na ndroichshlighe, agus do ghabh aithreachus Día fan nolc a dubhairt sé do dhéanadh dhèibh, agus ní déarnuigh sé é.

CAIB. IV.

Achmhusan Dé do Jonah, arsón a mhío-thaitneamh um choigleadh na caithreach.

ACht do mhíothaitin sin re Iónah go hiomarcach, agus do bhí sé ro fheargach.

2 Agus do ghuidh sé chum an Tighearna, agus a dubhairt sé, guidhim thú, a Thighearna, nach ar bhé so mo rádhsa, an tan do bhadhas fós ann mo thír? uimesin do theith mé roimhe go Tarsis: óir do bhí a fhios agam gur Dia grásamhuil thusa, & trócaireach, mall chum feirge, & móirchinéulta, agus go mbí aithreachus uile ort.

3 Ar a nadhbharsin a nois, a Thighearna, beir manam uáim, iarruim dathchuinge ort; óir is fearr dhamh bás ná beatha.

4 Ann sin a dubhairt an Tighearna, An maith do ní tú fearg do bheith ort?

5 Ann sin do chuáidh Jónah amach as an ccathruigh, & do shuigh sé air an ttaôibh shoir don chathruigh, agus do rinne sé both dhó ann, & do shuigh fuithe annsa scáth, iondus go bhfaiceadh cred do thiucfadh don chathruigh.

6 Agus do ghléas an Tighearna Día pailmscáth, agus thug sé air teacht ós cionn Jónah súas, chor go mbeith na scáth ós cionn a chinn, dá shaoradh ar a dhoilghios: annsin do bhí Jónah ro lúathgháireach mun scáth.

7 Acht do ghléus an Tighearna peist a nuáir do éirigh an mhaidin ar na mhárach, agus do bhuáil sé an scáth, iondus gur chríon sé.

8 Agus tárla a nuáir do éirigh an ghrian gur ghléus Dia gáoth dheanacht a noir, & do bhuáil ar cheann Jónah, iondus gur anbhfuinnigh sé, & dòrduigh sé ann féin bás dfaghail, agus a dubhairt, Is fearr dhamh bás ná beatha.

9 Agus a dubhairt Día ré Jonah, An maith do ní tusa fearg do bheith ort mun scáth? agus a dubhairt seision, Is maith do ním bheith feargach, eadhon go nuige an mbás.

10 Annsin a dubhairt an Tighearna, do bhí truáighe agad don scáth, nach tú do shaothruigh ná thug air fás, noch tháinic a nios a noidhche, & dimthigh seachad a noidhche.

11 Agus cred nach ccoizeoluinnsi Ninebheh an chathair mhòr sin iona bhfuil ní sa mhó ná sé fithchid míle pearsa nach eidirdhealuighionn eidir a láimh dheis & a láimh chlé, agus fós iomad áirnéise?

M I C A H.

C A I B. I.

*Ar uathbhbháſach fearg Dé bhí, anaghaidh
adhradh na ndée breige.*

BRiathar an Tighearna tháinic go
Micah an Moraſtiteach a laéthibh
Iotam, Ahas, agus Heſeciah, Rìghthe
Júdah, noch do chonnairc ſé a ttaobh
Shamária agus Jeruſalem.
2 Eiſtigh a phobal uile, cluin a
thaluimh, a nuile ní dá bhfuil ann, agus
bíodh an Tighearna Día na fhíadhnuiſe
bhur naghaidhſi, an Tighearna ó na
theampall náomhtha.
3 Oir féuch tiucfuidh an Tighearna as
a áit, agus tiucfuidh a núas, & ſail-
teora ſé air áitibh árda na talmhan.
4 Agus leagfuighear na ſlèibhte
faói, agus ſcoiltfighear na gleanta
amhuil céir as coinne na teineadh,
agus amhuil na huiſgeadha dóirtior
ſíos re ſánuigh.
5 Ar ſon ſáruighthe Jácob atá ſo
uile, agus ar ſon pheacadh thighe
Iſrael : cred é ſárughadh Jácob ? nach
í Samária ? agus cred íad áite árda
Júdah ? nach í Jeruſalem ?
6 Uimeſin do dhéana miſi Samária
mar chárn don mhachaire, agus mar
phlanndughadh fíneamhna ; agus dóirt-
fidh mé a clocha ſíos annſa ghleann,
agus léigſe mé a duthrach ris.
7 Agus brisfighear a híomháighe grean-
ta uile a mbloghuibh, agus loiſgfighear
le teine a tuillmhigh uile, agus leagſa
mé a hiodhail uile áonránach : óir do
chruinnigh ſí íad do thuilleamh meird-
righe, & fillfid chum tuillmhe meirdrighe.
8 Uimeſin caóidhfidh mé, agus núall-
fuidh mé, imeocha mé tárnochd, agus
lomnochd : do dhéana mé gearán mar
na draguin, agus cumha mar na
hulchabhcanuibh.
9 Oir is doileighios a cneadh, óir
tháinic ſé go Júdah : tháinic ſé go géata
mo phobail, eadhon go Hieruſalem.
10 Ná foillſigh é ann Gát, ná gui-
lidh ar áonchor : a ttigh Aphrah iom-
poidh thú féin annſa luáithreadh.
11 Imthigh romhad, a áitreabhthach
Saphir, ar mbeith dod náire leis ; *ni*
tháinic Saanan amach a ngolgháir Bhet-
eſel, glacfuidh ſé a ſheaſamh uáibhſi.
12 Oir do ſheith áitreabhthach Márot
go furachair ar mhaith ; acht tháinic
olc a núas ón Ttigheama go geata
Jeruſalem.
13 O thuſa a dhùthchuſuigh Lachis,
ceangail an carbad don bheathach lùath:
iſí is toſach peacaidh dinghin Sion : óir
do fríth ſáruighthe Iſrael ionnadſa.
14 Uimeſin do bhéara tù tiodhlai-
ceadha do Mhoreſet Gát : biáidh tighthe
Achſib na mbréig do Ríghthibh Iſrael :
15 Thairis ſin do bhéara mé oighre
chugad, a áitreabhthach Mareſah ; tiuc-
fuidh ſé go Adullam, glóir Iſrael :
16 Déana maol thú, agus beirr thú
féin air ſon do chloinne breághdha, fair-
ſingidh do mhaóile mar a niolar ; óir
do chúadar uáit a mbraighdionas.

C A I B. II.

*Anaghaidh fhoirrneart, & thairrghire
mheabhlach.*

AMhairg don druing thionnſcnas
éigceart, agus oibrighios olc air
a leabuidh ; an tan is ſolus an mhaidin
cuirid a ngnáth é, do bhrígh go bhfuil
ſé a ccumhacht a lámh.
2 Agus ſantuighid ſiad fearuinn, agus
beanuid amach íad le foiréigion ; agus
tighthe, agus beirid leó íad : marſin
ſáruighid duine gun a thigh, eadhon
duine, agus a oighreachd.
3 Ar a nadhbharſin is marſo a deir
an Tighearna, féuch, a naghaidh na mui-
tireſe tionſcnuim olc, ó nach áthrochaidh
ſibh bhur muinéil, ní mò imtheochthaói
go ceannaſach : oir is olc a naimſirſi.
4 Annſa lòſin tóigſe duine coſamh-
lachd bhur naghaidh, agus caoidhfidh
maille re caói thruáighmhéile, agus a
déaruid, Atámaoid millte go hiomlán :
do mhalairt ſé comhroinn mo phobail :
ciondus do áthruigh ſé uáimſe é ! do
roinn ſé ar machaireadh uáinn, noch
do ſhíoileamar haiſeogaidh dhúinn féin.
5 Uimeſin ní bhiáidh duine ar bioth
agad theailgſios córda lé crannchair
a ccomhchruinniughadh an Tighearna.
6 Ná tairrghiridh ſibhſi [*a deirid ris*
an ndruing] thairrghirios : *ní dhéanaid*
fáigheadoireachd doibhſin, chor nach
bhfuighid náire.
7 O thuſa dar bainm tigh Jácob,
nar gearruigheadh ſpiorad an Tighearna?
a níadſo a ghníomha? nach déanuid
mo bhríathraſa maith don té ſhiubhlai-
ghios go hionruic!
8 Eadhon le tamall ó ſhin atá mo
phobal ag éirghe ſúas amhuil námhaid:
beantaói an róba amach maille ris an
cculaidh don droing ghabhus láimh
ribh go ſuáimhneach, amhuil daóine
ſuáimhneach ó chogadh.
9 Do theilgeabhair amach mna mó
dhaóine ó na ttighthibh taitneamhacha,
rugabhair mo ghlóir ó na ccloinn go bráth
10 Eirghidh ſibhſi agus imthighidh,
óir ní hé ſo bhur ccomhnuighe : do
bhrígh go bhfuil ſé ar na ſhalchadh, millſe
ſé ſibhſi ré millteachus mór.
11 Má deir neach bréug, ag ſiubhal
annſa ſpioraid agus a neimhſhírinne
[ag rádh] Tairrghirfidh miſi dhuit ar
fhíon, agus air dhigh láidir, budh é
ſin féin faigh an phobailſi.
12 Cruinneocha mé thú go deimhin, a
Jácob uile : cruinneocha mé go deimhin
iardhraói Iſrael, cuirſe mé a bhfochair a
chéile iad mar cháorchaibh Boſrah, mar
an

an ttréud a lár a mainrighe; do dhéa-
nad fothrum mòr do bhrigh [iomuid]
na ndaóine.
13 Tháinic an briſteóir ſúas rompa;
do bhriſeadar ſúas agus do ghabhadar
thríd an ngeata, agus do chúadar
amach ann, agus rachuidh a Righ
rompa agus an Tighearna iona ccionn.

CAIB. III.

Dìſciornacht na bprionnſa, 5 feall na bfágh, 11 & a ſuaimhneas neamh-ſhocrach ſeradn.

AGus a dubhairt miſi, Eiſtigh, íarruim
dathchuinge oruibh, a cheanna Já-
cob, agus ſibhſi a phrionnſadha thighe
Iſrael: nach cóir dhaóibhſe fios breith-
eamhnuis do bheith aguibh?
2 Noch fhúathuighios an mhaith,
agus ghrádhuighios an tolc, noch thairn-
gios a ccroicionn díobh, agus a bhfeóil
dá ccnámhaibh.
3 Noch fós ithios feóil mo dhaóine,
agus fheannus a ccroicionn díobh, agus
briſid a ccnámha, agus gearruid na
ccodchaibh íad mar budh chum an pho-
ta, agus mar fheóil annſa choire.
4 Annſin éighfid ſiad chum an Ti-
ghearna, acht ni éiſtfidh ſé ríu, eadhon
foileochuidh ſé a aghaidh úatha ſan
namſin mar do iomchradar íad féin go
holc iona ngníomhuibh.
5 Is marſo a deir an Tighearna a
ttíobh na bfágh bheir air mo phobal
earráid do dhéanamh, noch bheirios
greim re na bhfiaclaibh, agus fhúagrus,
ſíothcháin: agus ullmhuighid cogadh a
naghaidh an té nach ccuirionn ann a
mbéul.
6 Uimeſin biáidh a noidhche dhíbh
iondus nach bhfaicfidhe fis, agus biáidh
dorcha dhíbh iondus nach bhfaiſtinfighe,
agus rachuidh an ghrían faói ós cionn
na bhfágh, agus biáidh an lá dorcha
ós a ccionn.
7 Annſin bhías náire ar na feith-
mheoiribh, & buáidhearthar na faiſtinigh,
fós foileochuid uile a mbéil: óir ní
bhfuil freagra air bioth ó Dhía.
8 Acht go deimhin atáim lân do chu-
mhachtaibh maille ré ſpiorad an Tigh-
earna, agus do bhreitheamhnus, agus do
chumas, do thaisbeanadh a fháruighthe
do Jácob, agus do Iſrael a pheacadh.
9 Eiſtigh ſo, íarruim dathchuinge or-
uibh, ſibhſi cinn thighe Jácob, agus
prionnſadha thighe Iſrael, ghràineas
re breitheamhnus, agus chuirios a nuile
cheart bun ós cionn.
10 Cuirid ſiad ſúas Sion le fuil, agus
Jeruſalem le Héigceart.
11 Do ní a ccinn ſin breitheamhnus air
luáigheacht, agus teagaſguid a ſagairt
ar thùaruſtal, & faiſtinighid a bhfaighe
ar airgiod: gidheadh luighfid air an
Ttighearna, agus a déaruid ſiad, Nach
bhfuil an Tighearna ar meaſg? ni fhéa-
dann olc ar bith teacht oruinn.
12 Uimeſin treabhochthar Sion ar
bhur ſonſa amhuil machaire, & biaidh
Jeruſalem na cárnuibh, agus ſliabh an
tighe mar áitibh árda na foraóiſe.

CAIB. IV.

Onoir, ſithcháin, & buaidh na Heagluiſe ó Chrioſd.

ACht annſna laéthibh deigheanacha
tiucſa a ccrích go ndaingneochthar
ſlíabh thighe an Tighearna a mullach na
ſlíabh, & áirdeochthar é ós cionn na
ccnoc, agus líonfuid daóine chuige.
2 Agus tiucfuid mórán cineadhach &
a déaruid ſiad, Tigidh, déanam ſúas go
ſlíabh an Tighearna, agus go tigh Dé
Jácob, & mùinfidh ſé a ſhlighthe dhúinn,
& ſiubholum iona chaſanuibh: óir rach-
uidh an dligheadh amach as Sion, agus
briathar an Tighearna ó Jeruſalem.
3 Agus béaruidh ſé breitheamhnus a
meaſg mhóráin daóine, & iomaithbhir-
fidh ſé cineadhacha neartmhara a bhfad
uatha, agus buáilfid a ccloidhmhthe a
níarrnach ſeiſrigh, agus a ngaéthe a
gcorránuibh cnuaiſcthe: ní thóigſe cin-
eadh cloidheamh a naghaidh cinidh, ní
mó fhoghlomfuid cogadh ní is mó.
4 Acht ſuighfidh gach uile dhuine
faoi na fhíneamhuin agus faoi na chrann
fíge féin, agus ní chuirſe duine ar
bioth eagla orra: óir iſé béul an Ti-
ghearna Día dubhairt é.
5 Oír ſiubholuidh a nuile phobal, gach
uile dhuine dhíobh a nainm a dhé, agus
ſiubholuimne a nainm an Tighearna ar
Ndìa, go ſaoghal na ſáoghal.
6 Annſa lóſin, a deir an Tighearna,
cruineocha mé an bhean atá bacach, &
cruinneocha mé an bhean do díbreadh
amach, agus iſi do ghortuigh mé;
7 Agus do dhéana mé íarſma don
mhnaói do bhí bacach; agus cineadh
láidir dhiſe do teilgeadh a bhfad; agus
ríaghlochthaigh an Tighearna ós a
ccionn a ſlíabh Sion ó ſo amach go
brách, agus choidhche.
8 Agus chugadſa A thuir an tréada,
caiſléan daingion inghine Sion, thiucfas
an céidthighearnus, tiucfaidh an riogh-
achd chum inghine Jeruſalem.
9 Anois cred fá néighion, tú go hárd?
an bhfuil Righ ar bioth ionnad? ar
imthigh do chomhairleach ſeachad?
óir do ghabhadar doighthe thú amhuil
bean re niodhnuibh.
10 Bídh a mbruid, agus ſíothruigh
breith, a inghean Síon, coſmhuil re
mnáoi re niodhnuibh: óir a nois rach-
aidh tú amach as an ccathruigh, agus
coimhneocha tú annſa machaire, agus
racha tú don Bhabilóin, annſin ſaor-
fuighear thú: annſin fhuáiſceolus an
Tighearna thú ó láimh do námhad.
11 Anois fós atáid mórán cineadhach
ar néirghe ad aghaidh, noch a deir,
Truáillthear í, agus féuchadh ar ſúilne
air Shion.

12 Acht

12 Acht ní feas dóibh smuáintighthe
an Tighearna, ní mó thuigid a chomh-
airle : óir cruinneocha sé iad mar na
punnannaibh a steach chum a nurláir.
13 Eirigh agus buáil, a inghean Shi-
on : óir do dhéana misi iarann dot a-
dhairc, agus do dhéana mé hingne na
bprás, agus buáilfidh tú na ccodchaibh
mórán daóine : agus naomhthocha misi
a ttarbha don Tighearna, agus a ttadh-
bhacht do Thighearna na talmhan uile.

CAIB. V.

Beirthe, oifig, & úachdranacht Chriosd.

ANois cruinnigh thú féin a slúaghaibh,
a inghean na slúagh : do chuir sé
fosłongphort re ar naghaidh : buáilfid
siad breitheamh Israel le slait air an
ngruáidh.
2 Acht thusa, a Bhet-lehem Ephrátah,
biodh gur beag thú a measg mhílteadh
Iúdah, gidheadh tiucfaidh asad amach
chugamsa úachdarán bhías ar Israel, a
raibh a dhul amach ó a nallód, ó laé-
thibh ná síorruidheachda.
3 Uimesin feachoduigh sé súas iad,
nó go ttigh an tam a mbéara an bhean
thorrach : annsin fillfidh fuighioll a
dhearbhráithreach go cloinn Israel.
4 Agus feasfuidh sé, agus biathfuidh
sé a neart an Tighearna, a mórdhachd
anma an Tighearna a Dhía, agus fan-
fuid siadsan ; óir anois biáidh sé mór
go foircheann na talmhan.
5 Agus budh é an fearso an tsíodhcháin
an tan thiucfas an Tassirianach dar
ttír : agus an tan shailteorus ann ar
bpáláfaibh, annsin tóigfeam móirsheisior
aodhaireadh na aghaidh, agus ochtar
do dhaóinibh prinnsiopalta.
6 Agus faiseochuid siad tír na Hassi-
ria leis an ccloidheamh, agus talamh
Nemrod iona dhula a steach : marso
tháirtheochthar sinn ó Nassirianach, an
tan thiucfas sé dar ttír, agus a nuáir
shailteorus sé taoibh a stigh dar tteó-
rannuibh.
7 Agus biáidh iarsma Iácob a measc
mhóráin daóine amhuil drúcht ón Tti-
ghearna, amhuil ceatha air an bhféur
nach bhfanann re duine, agus nach
bhfeithionn air mhacaibh na ndaóine.
8 Agus biáidh iardhraói Iácob a measg
na ngeinteadh a lár mhóráin daóine,
amhuil leomhan a measc bheathach na
foraóise, amhuil óg leomhan a measg na
ttréud ccáorach : noch má théid sé thríd,
sailteoruidh sé síos, agus fós stiallfuidh
sé na mblodhuibh, agus ní fhéadfuidh
duine ar bioth sin do thárthail.
9 Toigfighear do lámh súas ar do
naimhdibh, agus geárrfuighear amach
do naimhde uile.
10 Agus tiucfuidh a ccrích annsa ló
sin, a deir an Tighearna, go ngéarr-
sa misi heachruigh amach as do lár,
agus go millfidh mé do charbuid.
11 Agus gearrfa mé amach caith-
reacha do dhúthaigh, agus teilgfiod
fios do dhaóine láidre.
12 Agus geárrfa mé piseóga amach
as do láimh, agus ní bhiáidh faistinigh
agad ní is mó.
13 Geárrfa mé fós híomháighe grá-
bhálta, agus híomháighe seasta, a mach
as do lár : agus ní aidheora tú ní is
mó obair do lámh.
14 Agus tairreonga mé a níos do
gharráin as do lár : marsin scriosfa
mé do chaithreacha.
15 Agus do dhéana mé dioghaltas a
bhfeirg agus a ndibhfheirg air na gein-
tibh, a leithéid nach ccualadar a riamh.

CAIB. VI.

Na hiodbharta thaitneamhas re Dia.

EIstighsi anois an ní a deir an Tigh-
earna, Eirigh, cathaigh anois a
coinne na sliabh, agus cluindis na cnuic
do ghuth.
2 Eistighsi, a shléibhte, imreasan
an Tighearna, agus sibhsi a bhunáite
láidre na talmhan : óir atá imreasan
aig an Ttighearna re na dhaóinibh,
agus taigeoruidh sé re na dhaóinibh,
agus taigeoruidh sé ré Hisrael.
3 O mo phobal, cred do rinne misi
oruibh, agus cred ann a ndéarna mé
tuirseach sibh ? fiaghnuighidh (féin) am
aghaidh.
4 Oir thug mé súas sibh as crích na
Hégipte, agus dfúascail mé sibh as tigh
na seirbhíseach, & do chuir mé romh-
uibh Maóise, Aaron, agus Miriam.
5 O mo phobal, cuimhnighidh a nois
cred do chomhairligh Balac Righ Móab,
agus cred do fhreagair Bálaam mhac
Beor dhó ó Shittim go Gilgal, chor go
naitheontaóise fíréantacht an Tighearna.
6 Ciod le ttiucfa mé a bhfiadhnuise
an Tighearna, agus lé ccláonsad mé féin
a lathair an Dé aird ? an ttiucfa mé dá
lathair le hofráluibh loisge, le gamh-
nuibh do bhliadhain dáois ?
7 An mbiáidh an Tighearna toileamh-
uil air mhíltibh do reithighibh, nó lé
deich míle do shrothaibh ola ? an ttiubh-
ra mé mo chéidghin ar son mo chiontadh,
toradh mo chuirp ar son pheacaidh
manma ?
8 Do thaisbéin sé dhuit, a dhuine,
cred is maith : agus créd iarrus an
Tighearna ort, Acht ceart do dhéanamh,
agus tròcaire do ghrádhughadh, agus
siubhal go humhal le do Dhía ?
9 Eighidh guth an Tighearna air an
ccathruigh, agus do chífidh fear na
heagna hainm : éistighsi an tslat, agus
an té dórduigh í.
10 An bhfuilid fós ionnmhuis a nuilc
a ttigh an chiontuigh, agus an miosúr
gann atá adhfhúathmhar ?
11 An measfa mé glan iad leis na
drochchomhthromuibh, agus le mála
chomhthrom meallta.
12 Oir atáid a ndaóine saidhbhre
sin lán dfoiréigion, agus do labhra-
dar

dar a náitreabhthuigh bréuga, agus is cealgach a tteanga iona mbéul.

13 Uimesin mar an ccéadna do dhéana misi tinn thú lé do bhúaladh, dot dhéanamh áonránach do bhrígh do pheacadh.

14 Iosuidh tú, acht ní bhiáidh tú sáitheach, agus biáidh do theilgion síos ann do lár, agus bhéaruidh tú greim, acht ní shaorsa thú: agus do bhéara misi an ní shaorfas tú, don chloidheamh.

15 Cuirfe tú [síol] agus ní tú bheanfas: brúighfidh tú toradh crainn ola, acht ní ungtha tú thú féin lé hola; agus fíon milis, acht ní iobhtha thú fíon.

16 Oir atá reacht Omri ar na choimhéad, agus uile oibreacha thighe Ahab, agus siubholuigh sibhsi iona ccomhairleachaibh, chor go ndéanuinnsi fásach dhíot, agus magadh dá dhúthchusaibh: uimesin iomchorthaói náire mo phobail.

CAIB. vii.

Is comhthruaillighe sin anois staid na ndaoine,] nach bhfuil dearbhcharaid ar bith ion-taobhadh ris, ach Dia an Tighearna.

MO thruáighe misi, óir atáim amhail an tan do chruinnigheadar na tórtha samhruigh, mar dhioghluim cáor aimsire cnúasuigh na ttarpán uile: ní bhfuil tarpán air bioth ré ithe: atá manam ag iarruigh an chéadthoruigh abuidh.

2 Dimthigh an deaghdhuine seachad as an ttalamh, agus ní bhfuil áon ionruic a measg na ndaóine: luighid uile a luigheachán air fhuil: do nídh gach uile dhuine fíadhach air a dhearbhrathair le líon.

3 Chor go ndéanuid olc leis an dá láimh go dithchiollach, iarruidh an prionnsa agus an breithiomh tiodhlacadh: agus foillsighidh an duine mór a thoil urchóideach, marsin fillid súas é.

4 Atá an té is féarr aca mar dhreis; is géire an té is fíréunta ná fáldhos: atá lá thfear faire, agus do chuarta ag teacht: anois bhias a mbuaidhreadh.

5 Ná dóthchusaigh a ccaruid, ná cuiridh dóthchus a néoluidhe: coimhéad doirsi do bheil ón mhnaói luighios ann hucht.

6 Oir easónoruigh an mac an tathair: éirghidh a ninghean súas a naghaidh a mathar; bean an mhic a naghaidh a baochleamhna, agus a síad namhde duine lucht a thighe féin.

7 Uimesin, féuchfa misi chum an Tighearna, feithimhidh mé air Dhia mo shlánuighthe, cluinfidh mo Dhía mé.

8 Na gáirdigh am aghaidh, ó mo námhuid: a nuáir thuitfios mé, éireocha me; an tan shuighfios mé a ndorchadus, biáidh an Tighearna na sholus damh.

9 Iomchoruidh mé dibhfhearg an Tighearna, do bhrígh gur pheacaidh mé na aghaidh, nó go ttagra sé mo chúis, agus go mbéara breath ar mo shon: do bhéara sé amach chum an tsoluis mé, agus do chífidh mé a dhioghrus.

10 Annsin do chífidh an bhean is námha dhamh é, agus foileochuidh náire ise, noch a dubhairt riom, Cáit a bhfuil an Tighearna do Dhía? do chífid mo shúile í, anois sailteorthar síos í mar laithigh na sráideann.

11 Annsa lo a mbéid do bhalladha dá ccur súas, annsa ló sin áthrochthar go fada an tórdughadh.

12 Annsa lósin fós tiucfa sé ort ón Nassiria, agus ó na caithreachaibh daingne, agus ón chaisléan gus a nabhuinn, agus ó fhairge go fairge, agus ó shliabh go sliabh.

13 Thairis sin biáidh an talamh na fhásach, do bhrígh na muintire áitreabhus innte, arson thoruidh a ngniomh.

14 Beathuigh do mhuintir le do shlait, tréud hoighreachta noch chomhnuighios go háonránach annsa choill a lár Charmel; bíathaidis ann Básan agus a nGilead, mar annsna laéthibh a nallód.

15 Do réir na laétheadh a ttáinic tú amach as crích na Hégipte, thaisbeanfas misi neithe iongantacha dhó.

16 Do chífid na cineadhacha, agus béid claóidhte tar a nuile neart; cuirfid a lámh air a mbéul, béid a cclúasa bodhar.

17 Lighfid an luáithreadh amhuil naithir nimhe, corrochuid amach as a bpolluibh amhuil péiste na talmhan; biáidh eagla an Tighearna ar Ndía orra, agus biáidh eagla orra air do shonsa.

18 Cía an Día atá cosmhuil riotsa, mhaitheas éigceart, agus léigios thairis sarughadh iarsma a oighreachda? ní chongmhann sé a fhearg choidhche, do bhrígh go ndúilighionn sé a ttrócaire.

19 Fillfidh sé a ris, biáidh truáighe aige dhúinn: claóidhfidh sé ar neigceart: agus teilgfidh tú a ccionta uile a ndubhaigéan na fairge.

20 Coimheoluidh tú a nfírinne do Jácob, agus an trócaire do Abraham, noch do mhionnuigh tú dar naithribh ó na laéthibh a nallód.

NAHUM.

CAIB. I.

Mordhacht Dé taisbeanta iona chairdeas dá dhaoinibh, & a ndíoghaltas dhá naimhdibh.

UAlach Ninebheh: leabhar fiſe Na-
hum, an Telcoſiteach.
2 Ata Día éudmhar, agus do ní an
Tighearna dioghaltas: atá an Tighearna
dioghaltach, agus fiochmhar; do dhéa-
nuigh an Tighearna dioghaltas ar a
naimhdibh, agus taiſcidh ſé géarſmacht
dá eaſcáirdibh.
3 Atá an Tighearna mall chum feirge,
agus mór a ccumhachdaibh, agus ní
ſháorſa ſé ar aonchor an droch dhuine:
atá a ſhlighe aig an Ttighearna annſa
ghaóith ghuáirdeáin agus annſa ſtoirim,
agus a ſiad na néulla luáithreadh a
chos.
4 Imdheargaidh ſé a nfairge, agus do
ní tirim í, agus tiormuighidh ſé ſuas
na ſrotha uile: anbhfainnigh Báſan
agus Carmel, agus críonuidh bláth Le-
banon.
5 Creathuid na ſléibhte roimhe, agus
leaghaid na cnuic, agus loiſcthear an
talamh re na radharc, a ſeadh, an do-
mhan, agus a nuile ní áitreabhus ann.
6 Cía fheadas ſeaſamh as coinne a
fheirge? agus cía fhéadas fuireach re
buirbe a fheirge? do dóirteadh a dhibh-
fhearg amach mar theine, agus do teil-
giodh ſíos na cairge leis.
7 Is maith an Tighearna, caiſléan
daingion a ló na buáidheartha, agus
aithnigh ſé an drong dhóthchuſuighios
ann.
8 Acht cuirfidh ſé deireadh iomlán ré
na áit le tuile rabhartha, agus leanfuidh
dorchadus a naimhde.
9 Cred ſmuáintighidh a naghaidh an
Tighearna? do dhéanuidh ſé críochnu-
ghadh iomlán: ní éireochuidh buáidh-
readh ſúas an dara huáir.
10 Oir an feadh bhéid fillte air a
chéile mar dhroighne, & an feadh bhéid
ar meiſce amhuil lucht meiſce, loiſcfi-
ghear iad amhuil connlach láinthirim.
11 Atá áon tháinic aſad amach, ſmuái-
neas olc a naghaidh an Tighearna:
drochchomhairleach.
12 Is marſo a deir an Tighearna,
Má tá go bhfuilid ſuáimhneach agus fós
iomadamhuil, gidheadh is marſo chuir-
fighear ſíos iad an tan rachus ſé thríd:
mátá gur phían mé thú, ní phíanſa mé
thú, ní ſa mhó,
13 Oir anois brisfidh mé a chuing dhíot,
agus brisfimne do chuibhreach ó chéile.
14 Agus thug an Tighearna fúagra dot
thaóibh, chor nach ſíolcuirfidh ní is
mó dot ainm: geárrſa mé amach as
tigh do dhée an níomháigh ghreanta, &
an níomháigh leaghtha, do dhéana me
huáigh, óir atá tú beagluáigh.
15 Féuch air na ſléibhtibh coſa an té
do bheir nuáidheachta maithe leis, fhua-
gras ſíodhcháin: a Iúdah, coimhéad do
fhéaſtadha ſollamonta, comhaill do
mhóide: óir ní ghéabhuidh an droch-
dhuine ní ſa mó thríod, do gearradh
amach go hiomlán é.

CAIB. II.

Iadhadh & airgeadh Ninebheh, leis na tal. deánachaibh.

AN té bhriſios a mblodhuibh thá-
inic ſé as coinne haighthe: tailgidh
an ſtór, coimhéad an tſlighe: déana do
leaſrach láidir, neartuigh do chumhach-
da go láidir.
2 Oir do chuir an Tighearna oir-
dhearcus Iácob ar ccúl, mar oirdhearcus
Iſrael: óir do fholmhuigheadar lucht a
nfolmhuighthe íad, agus do mhilleadar
a mbeangáin fíneamhna.
3 Do rinneadh ſcíath a dhaoineadh
neartmhara, dearg, atáid na fir chur-
ta a ſcairléad daite: biáid na carbuid
maille ré tóirſighibh laſamhla a lá a
ullmhuighthe, agus béid na crainn giu-
mhuis ar crioth go húathbháſach.
4 Béid na carbuid ar baile annſna
ſráidibh, gleicfidh gach carbad díobh ré
ar oile annſna ſlighthibh leathna: tai-
beanfuid amhuil tóirſíoh, riothfuid co-
mhuil ré teine.
5 Aithmheasfuidh ſé a dhaóine oirea-
cha, do gheabhuid ſiad tuiſleadh ina
ſiubhal: do dhéanuid deithnios chum
a bhallaſin, agus gléasfuighear a dhín-
gean.
6 Oiſcéoltar geatadha na ſrothann,
agus ſcaóilfighear an palás.
7 Agus béarthar Huſab ar ſiubhal a
láimh, do bhéarthar ſúas í, agus tréro-
chuid a cailínigh í amhuil budh le guth
colum ag búaladh a nochta.
8 Acht atá Ninebheh ó nallód co-
mhuil ré lochán uiſce: gidheadh teithfid
rompa. Seas, ſeas, [éighfid ſiad;] acht
ní fhéuchfuidh éanduine na dhiáigh.
9 Glacaidh ſibhſi a néadáil airgid, gla-
caidh a néadáil óir; óir ní bhfuil críoch
air an ſtór, agus glóir amach as an
ttrealamh mbreádha.
10 Atá ſí folamh, agus fáon, agus na
faſach, agus leaghoidh an croidhe: agus
buailid na glúine a chéile, agus atá
iomad péine ann a nuile leaſrachuibh,
agus cruinnighidh a naighthe uile,
duibhe.
11 Cáit a bhfuil comhnuighe na leo-
mhan, agus ionad beatha na leomhan
óg? mar a ſiubhluighionn leomhan,
eadhon an ſeinleomhan, agus cuiléin na
leomhan,

leomhan, agus ní chuirionn duine ar
bioth eagla orra.
12 Dfuaduigh an leomhan go lór da
chuiléanuibh, agus do theachd ſé dá leo-
mhanuibh buinionna, agus do líon ſé a
úamha lé creich, agus a phruchlais lé
ſúadach.
13 Féuch, atáimſi ad aghaidh, a deir
Tighearna na ſlógh, agus loiſcfidh mé
a carbuid a ndeatach,, agus ſluigfidh
an cloidheamh a leomhuin ôga, agus
géarrſa mé do chreach ôn ttalamh,
agus ní cluinfighear guth do theachtadh
ní is mó.

CAIB. III.

Peacadh agus pionus Ninebheh.

AMhairg don chathruigh fhuiltigh,
atá ſi uile lán do bhréagaibh, agus
do ſhladmhóireacht, ní ſcuirionn an
tinchreachadh.
2 Torann ſcíurſa, agus ſúaim thor-
main na rothadh, agus iomrûagadh na
neach, agus na ccarbad ttuſlógach.
3 Tògbhuidh an marcach ſúas araon
an cloidheamh loinnreach,agus an gath
tonnach, agus atá iomad do dhaóinibh
marbha, agus uibhir mhór chorp, agus
ni bhfuil críoch air a ttaiſighibh : tuiſli-
ghid air a ccorpuibh.
4 Do bhrígh iomuid ſtríopachuis na
meirdrigh ſciamhuigh, mhaigiſtréas na
bpiſeog, reacus cineadhacha tre na ſtrío-
pachaſuibh, agus muinteara tré na pi-
ſeogaibh.
5 Féuch, atáim ad aghaidh, a deir
Tighearna na ſlógh, agus léigfidh mé
do ſciortadha leis as coinne haighthe,
& taisbeanſa mé do thruáilleadh do na
críochaibh, agus do náire do na ríoghach-
taibh.
6 Agus teilgfidh mé ſalchar adhfhúath-
mhar ort, agus do dhéana mé beag-
laigh thú, agus ſuidheocha mé thú
amhuil áoileach.
7 Agus tiucfuidh a ccrich, an mhéid
fhéuchſas ort, go tteithfid ſiad romhad,
& go naibeoruid. Do leagadh Ninebheh
na fáſach, cía chaóinfios í ? cía as a
níarrſa miſi cobharthuigh dhuit ?
8 An fearr thuſa ná Nó daoineach,
noch do ſuigheadh a meaſg na ſrothann
agá raibh na huiſceadha na timchioll fa
cuáirt, ar bhí a nfairge a cothughadh,
agus do bhí a balla ón bhfairge ?
9 Budh í a neartſin a Netiopia, & a
Négipt,& do budh neamhchuimſeach ſin,
budh iad do chobharthaigh Put,& Lubim.
10 Thairis ſo rugadh ar ſiubhal i, do
chuáidh ſi a mbraighdionas, do rinneadh
fós ſligreach da cloinn óig a mullach na
ſráideann uile, & do theilgiodar cranchar
air a daóinibh onóracha, & do ceangladh
a daoine móra uile a ngéibhionuibh.
11 Biaidh tuſa fós ar meiſce : foileoch-
thar thú, íarrſa tú mar an ccéadna neart
do bhrígh na námhad.
12 Biáidh huile dhaingneacha láidre
amhuil crainn fige leis na céidfhígibh
abuidh ; má croithtear íad, tuitid ſiad
eadhon a mbéul an té itheas.
13 Féuch, is mná do dhaóine ann do
lár : oiſceoltar ſúas geatadha do thíre
dod naimhdibh, ſluigfidh an teine do
bharradha.
14 Tarruing na huiſceadha chum an
champa, neartuigh do dhaingne láidre :
éirigh annſa chriáidh, & ſaltair an mor-
téul, déana áit na mbriceadh láidir.
15 Annſin ſluigfidh an teine thú : géarr-
fuidh an cloidheamh thú : ioſuidh ſé ſúas
thú mar an phéiſt chancair : déana
dhuit féin mórán mar an phéiſt chancair,
déana dhuit mórán mar na lócuſtaibh.
16 Dfoirlíon tú do cheannuighthe ós
cionn réaltann neimhe : millidh an
phéiſt chancair, agus teithigh ſi roimpe.
17 Atáid do choróntaigh mar na ló-
cuiſte, & do chaiptinighe mar na dreól-
lánuibh teasbhuidh móra,noch chomhnui-
ghios annſna ſaltáibh annſa lá fhúar :
acht an tan éirghios an ghrían, teithid
ſiad rompa, agus ní haithnighthear a
naít a mbíd.
18 Néulſfartaighid háodhaireadha, a
Rígh na Haſſíria : béid huaiſle na
ttochd ; do ſcabadh do dhaóine air na
ſléibhtibh, agus ní chruinnighionn duine
ar bioth íad.
19 Ní bhfuil leighios ar do lot, is
nimhneach do chneadh : buáilſidh gach
uile dhuine chluinſios do tháſg, a mbaſa
ós do chionn ; óir cía air nar ſhiubhuil
holc do ghnáth ?

HABACUC.

CAIB. I.

Gur measa na daóine sciúrsas, no an drong do scharsfuighear ; & gur dhòibh fein bheirid buidhe a bhuáidh tugadar amach, & ní bann do Dhía.

AN túalach do chonnairc
Habacuc an ſaigh.
2 O a Thighearna,ga fad
bhias mé ag éighiomh, &
nach ccluin tú ? eadhon
ag éighiomh chugad air
fhoiréigion, & nach áill leachd tárthail ?
3 Créd fá ttaisbeananu tú éigceart
dhamh, agus a thabháirt orum doilghios
dfaicſin ? óir atá cneadh agus foiréigean
as mo choinne : agus atá drong ann
thógbhus ſúis ceannairg agus imreaſan.
4 Uimeſin do faillígheadh an dligheadh,
agus ní théid breitheamhnus choidhche
amach : óir íadhuid na ciontuigh a ttim-
chioll na bhfiréan : uime ſin théid brei-
theamhnus éigcóir ar adhaigh.

5 Féuchuidh

5 Féuchuidh ſibhſi a meaſg na ngein-
teadh, & meaſuigh, & iongantaigh go
hiongantach: óir oibreocha miſi obair
ann bhur laéthibh, noch nach ccreidfidhe
dá mbeith go ninneaſtaói dháoibh é.
6 Oir féuch, tógbhuim ſúas na Cal-
deánuigh, an cineadh ſearbh deithnea-
ſach ſion, noch imthighios tre leithead
na tíre, do ſhealbhughadh na náiteach
ccomhnúidhe nach leó féin.
7 Atáid ſiad úathbháſach & gúaſach-
tach: gluáisfidh a mbreitheamhnus, &
a noirdhearcus úatha féin.
8 Is luáithe fós a neich ná liopaird,
& is buirbe íad ná coin állta an tráth-
nóna, & leathnochuid a marcſlúagh íad
féin, & tiucfuid a marcſhlúagh ó imchéin,
eitilfid mar an niolar dheithfrigheas
dithe [bidh].
9 Tiucfuid uile chum éigin: ſúighfid
a naighthe ſúas mar an ngaoith a noir,
agus cruinneochuid an braighdionas mar
an ngaineamh.
10 Agus do dhéanuid ſgige fá na
Ríoghaibh, & béid na prionnſadha na
ccúis mhagaidh aca: díſbeagfuid gach
uile dhaingion láidir; óir crúachfuid
luáithreadh, agus géabhuid é.
11 Annſin áthrochus a inntinn, & rach-
fuidh ſé thairis anonn, & cinteochuidh ſé,
[ag cur] a chumhachta a leith a dhé féin.
12 Nach bhfuil tuſa ó ſhíorruighiochd,
a Thighearna mo Dhía, máon náomhtha?
ní éugfuimne: a Thighearna, dórduigh
tú íad do bhreitheamhnus, & a Dhé
chumhachdaigh, do dhaingnidh tú íad
do ſmachdughadh.
13 Is fíorghlaine do ſhúile na chum
uilc damharc, & ní fhéadann tú féuchuin
air éicceart: cred fa bhféuchann tú air
an droing do ní go fealltach, agus bhíos
tú ad thochd an tan ſhluigios an droch-
dhuine an duine is fíréunta ná é féin?
14 Agus do ní tú daóine mar íaſg na
fairge, amhuil na neithe ſnáidheacha nach
bhfuil riaghlaightheóir ós a ccionn.
15 Tógbhuid íad uile ſúas leis an ndu-
bhán, gabhuid íad iona líon, & cruinni-
ghid íad iona líon tairngthe: uimeſin
gáirdighid agus bíd lúathghaireach.
16 Ar a nadhbharſin íodhbruid ſíad dá
líon, & loiſcid túis dá bpaintéur: do
bhrígh go mbí a ccombroinn méith leó
ſin, agus a mbiadh fairſing.
17 An bfoilmheochuid ſíad a líon
uimeſin, agus gan choigill do ghnáth
cineadhacha do mharbhadh!

CAIB. II.

Gu ttig sciúrſa ar Chaldea fadheire, noch bhí ciocrach go fuil, & chum uachtranacht do bheith aice.

SEasfuidh mé ar mo choimhéad,
agus rachfa mé air an ttor, agus
aireocha mé dféachuin cred a déara
ſé riom, agus cred ſhreagoras mé an
tan aithbheorthar mé.
2 Agus do ſhreagair an Tighearna
mé, agus a dubhairt, Scriobh a nfis,
agus déana ſoilléir í air chláruibh, iondus
go riothadh an té léighios.
3 Oír atá a nfis fós chum uáire cinte;
acht ſa dheóigh laibeoruidh ſí, agus
ní dhéana ſí bréag; má atá go madh
mall í, ſeith uirre, do bhrígh go ttiuc-
fa ſí go deimhin, ní anfa ſí.
4 Féuch, an té ar tógbhadh ſúas a
anam, ní bhfuil go díreach ann féin:
acht mairfidh an fíréun tre chrei-
diomh.
5 Fós mar an ccéadna do bhrígh go
cciontuighionn ſé le fíon, is duine úaibh-
reach é, ní mó fhanas ſé annſa bhaile;
noch fhoirleathnuighios a mhían mar if-
rionn, & go bhfuil mar an mbás, agus
nach fhéidir a ſháſadh; acht go ccruinn-
ighionn ſé chuige gach uile chineadh, &
go ccárnann ſé a nuile phobal chuige.
6 Nach tóigfid ſo uile coſamhlachd
ſúas na aghaidh, agus ſeanfhocal ma-
gaidh na aghaidh, agus a deiruid, A
mhairg don té mhéaduighios an ní nach
leis féin: Ga fad? agus don té úal-
uighios é féin le críaidh thiugh.
7 Nach éireochuid an drong ghoirtea-
chus tú ſúas go lúath? agus nach múiſ-
ceoluidh an ní thá bhuáidhirfios tu?
agus biáidh tú mar eadáil aca.
8 Do bhrígh gur mhill tú iomad ci-
neadhach, millfidh uile íarſma na ndaóine
thuſa: ar ſon fola daóine, agus ar ſon
éigne na tíre, na caithreacha, agus a
nuile dhuine chomhnuighios inte.
9 A mhairg don té ſhantuighios
drochſhaint da thigh, iondus go ſuigh-
eocha ſé a nead go hárd, chor go ſaor-
fuidhe é ó chumhacht a nuilc.
10 Do chomhairligh tú náire dot
thigh le gearradh mhórain daóine, do
pheacuigh tú a naghaidh hanma féin.
11 Oír comhairceóidh an chloch as an
mballa, agus freigeoruidh an tſail as a
nadhmad í.
12 A mhairg don té do ní baile le
fuil, agus ſhuighios cathair le héig-
ceart.
13 Féuch, nach ó Thighearna na ſlógh
atá go ſaothrachuid na daóine annſa
teine féin, agus coirfid na daóine íad
féin ar ſon díomhaóinis?
14 Oír líonfuighior an talamh le heó-
lus ghlóire an Tighearna, mar ſho-
luighid na huiſceadha a nfairge.
15 A mhairg don tí do bheir deoch dá
chomharſoin: chuirios do bhuideal
chuige, & fós chuirios ar meiſge é; chor
go bféuchſa air a lomnochduigh.
16 Atá tú líonta do náire a náit
glóire: ibhſe fós, agus bíodh do
réimhchroicionn leis: iompochthar cu-
pán láimhe deiſe an Tighearna chu-
gadſa, agus biaidh ſceathrach náireach
air do ghlóir.
17 Oír foileochuidh éigion Lebanon
thú: agus creach bheathach, noch do
chuir eagla orra, ar ſon fola daóine, agus

ag

ar ſon éigine na tíre, na caithreacha,
agus a nuile duine aitrighios ínte.
18 Cred tharbhuighios a níomháigh
ghreanta ar ghrean ſear a hullmhuighthe
í; a níomháigh leaghtha, agus teagaſgóir
bréug, as a ndóthchuſuighionn ſear déan-
ta a oibre ſéin, ann, do dhéanamh io-
dhal mbalbh!
19 A mhairg don tí a deir rís an
maide, Múſcail: ris an ccloich mbalbh,
Eirigh, teagoſcuidh ſi: ſéuch, do córu-
ghadh í air fad dór & dairgiod, agus
ní bhfuil anál ar áonchor iona lár.
20 Acht atá an Tighearna íona
theampall náomhtha: bíodh an talamh
uile na thochd dá lathair.

CAIB. III.

Dán, & muinighinn Habaccuc, go aithbheodh-uigh Dia a dhaóine fós, ge lag anois.

URnaigh Habaccuc an fáigh air Sigio-
not.
2 O a Thighearna, do chuala mé
do ghlór, agus do bhí eagla orum:
a Thighearna, aithbheodhuigh hobair
a meadhón na mblíadhan, foillſigh
a lár na mblíadhan: a bhſeirg cuimh-
nigh trócaire.
3 Tháinig Día ó Théman, agus an
tíon náomhtha ó ſhlíabh Páran, dfo-
luigh a ghlóir na flaithis, agus do bhí
an talamh lán dá mholadh.
4 Agus do bhí a dhéalradh mar an
ſolus, do bhádar adharca as a láimh, &
ann ſin do bhí folach a chumhachd.
5 Do chuáidh an phláigh roimhe, a-
gus chuáidh gúal dearg amach ó na
chosaibh.
6 Do ſheas ſé, agus do thomhais ſé
an talamh: dſéuch ſé, agus do ſcáoil
ſé ó chéile na cineadhacha, agus do
ſpréidh ſé na ſleibhte ſíothbhuana, do
chromadar na cnuic ſhiorruidhe: atáid
a ſhlighthe gan ſhoircheann.
7 Do chonnairc mé páilliúin Chuſan a
mindeiſe: agus do chriothnuigh cáir-
tíne thíre Mídian.
8 An raibh an Tighearna feargach
a naghaidh na nabhann? an raibh thſearg
a naghaidh na nabhann: an raibh thſearg
a naghaidh na fairge, as a ndearna tú
marcuigheachd air heachaibh, agus air
charbaduibh do ſhlánuighthe?
9 Do rinneadh do bhodha lomnochd go
huilidhe do réir mhionna na ttreabh,
thſocal, Selah; do ſcoilt tú an talamh
ré ſrothaibh.
10 Do choncadar na ſléibhte thú,
agus do chriothnuigheadar, do chuáidh
tuile bhárr a nuiſge thairis; dſoillſigh
an taigéun a ghuth, agus do thóig a
lámha ſúas go hárd.
11 Dſan an ghrían agus an ghea-
lach na ſeaſamh iona náit ſéin: dim-
thigheadar fa ſholus do ſhoighead, &
fa loinnir do ghath tonnaigh.
12 Dimthigh tú thríd an ttír a
bhſeirg, do bhuáil tú na geinte a
ndibſheirg.
13 Do chuáidh tú amach ar ſon tár-
thála do dhaóine, eadhon ar ſon ſlánuigh-
the re hungthach: do loit tú an ceann
as tigh an chiontuigh, le foillſiughadh
na bunáite gus an muineal, Selah.
14 Do bhuáil tú thríd amach lé na
mhaideadhuibh ceann na mbailteadh:
thangadar amach mar gháoith ghuáir-
deáin dom ſcainreadhſa: budh é a ngair-
deachas, an bocht do ſhlugadh go ſei-
créideach.
15 Dimthigh tú thríd an bhfairge lé
heachuibh tré chruinniughadh na nuiſ-
geadh mór.
16 An tan do chualuidh mé, do
chriothnuigh mo bholg, dúaſnadar mo
phuiſíne ris an nguth: do chuáidh lobh-
adh a ſteach ann mo chnámhuibh; & do
crith mé ionnam féin, iondus go ſuaimh-
neachuinn a ló na buaidheartha, an tan
thig ſé ſúas chum na ndaóine, ionnſo-
chuidh ſé íad le na ſhlúaghuibh.
17 Má atá nach bláthann an crann fíge,
& nach mó bhías toradh annſa bhſinea-
mhuin: fáilleachuidh ſáothar crainn na
hola, & ni thiubhruid na machaireadha
biadh ar bioth úatha, gearrſuighear an
tréud amach ón máinrigh, & ní bhiáid
ealbha ar bioth annſna ſtalladhuibh.
18 Thairis ſin gáirdeocha miſi annſa
Tighearna: ſóláſuidh mé a nDía mo
ſhlánuighthe.
19 Iſé an Tighearna Día mo neart,
agus do dhéana ſé mo chosa coſmhuil
re coſaibh eilite, & do bhéara ſé orum
ſiubhal ar máitibh árda. Don phrimh-
ſhear ceóil ar madhbhadhuibh ſreangacha

SEPHANIAH.

CAIB. I.

Gu bhfuil ſlat ghéar go teacht ar Judah, arſon iomad á bpeacadh.

BRiathar an Tighearna noch tháinig
go Sephaniah mhac Cuſi, mhic
Gedaliah, mhic Amariah, mhic Hiſciah,
a laéthibh Jóſiah mhic Amon Rígh Júdah.
2 Scriosfa mé thríd amach a nuile ní
ón talamh, a deir an Tighearna.
3 Díoghbháighfidh mé an duine agus
an beathach, ſcriosfa mé éanlaith a nai-
éir, & eiſc na fairge, & na cip thuiſligh
maille ris na ciontachaibh, & geárrfa
mé amach an duine ón ttalamh, a deir an
Tighearna.
4 Sínfidh mé mar an ccéadna mo lámh
amach air Júdah, & air uile áitreabhach
Ierusalem, & géarrfa mé amach íarſma
Bhaal as a náitſi, & ainm na Chemari-
teach maille ris na ſagartaibh.

5 Agus an drong adhras slúagh nei-
mhe air mhulluighibh na ttightheadh,
agus an drong adhras, agus mhionnui-
ghios san Ttighearna, & mhionnuighios
sa Mhalcham.
6 Agus an lucht dfill ar a nais ón
Ttighearna, agus an drong nar íarr an
Tighearna, agus nar cheasnuigh ris.
7 Bí ad thochd lé faicsin an Tighearna
Día : óir atá lá an Tighearna do lathair ;
óir do ghléas an Tighearna íodhbuirt,
dsúagair sé dá lucht cuiridh.
8 Agus tiucfa a ccrích a ló íodhbor-
tha an Tighearna, go ccoireocha misi
air na prionsadhuibh, agus air chlann-
aibh na Ríogh, agus air na huile dháoi-
nibh atá air na néadughadh lé culadh-
uibh coimhightheacha.
9 Annsa ló chéadnasin smalchteocha
mé a nuile dhuine lingios air an ttáirsigh,
noch líonas tighthe a maighistreach le
héigean agus lé clúanuigh.
10 Agus tiucfa a ccrích san ló sin, a
deir an Tighearna, go mbiáidh guth a
néigin ó gheata a néisg, núallfartach ón
dara geata, agus tormán mór ó na
cnocaibh.
11 Núalluighse a áitreabhthacha Mac-
tes : óir atáid na ceannuighthe uile ar
na ngearradh síos: do gearradh amach
a nuile dhuine iomchras airgiod.
12 Agus tiucfuidh a ccrích san namsin
go spíonsa misi Ierusalem lé coinlibh,
agus piansa mé an drong atá go socair
air a ndeascaigh, noch a deir iona
ccroidhe, Ni dhéana an Tighearna maith;
ní mó dhéana sé olc.
13 Uimesin do dhéantar éadáil dá
maóin, agus fásach dá ttighthibh ; cuir-
fid fós tighthe súas, acht ní áitreochuid
ionta, agus plainndeochuid síneamhna,
acht ní iobhuid a fíon sin.
14 Atá lá mór an Tighearna á bhfo-
gus, atá sé a ngar, agus deithfrighidh
sé go mór, eadhon guth laoi an Tighear-
na : comhaircfidh an duine cumhachtach
annsin go haidhmhéil.
15 Is lá dibhsheirge an lá sin, lá buái-
dheartha agus amhgair, lá fásuighthe &
áonranachta, lá dorchachta & duaibh-
sighthe, lá néull & dorchadais thiugh,
16 Lá stoc agus súagartha a naghaidh
na ccaithreach ndaingean, & a naghaidh
na ttor nárd.
17 Agus do bhéara mé amhgar air
dhaóinibh, iondus go siubholuid amhuil
dáoine dalla, do bhrigh gur pheacuighea-
dar a naghaidh an Tighearna : agus
dóirtfighear a bhfuil amach amhuil
luáithreadh, & a bhfeóil mar a naóileach.
18 Ni mó fheadfas a nairgiod nó a
nór a sáoradh a ló fheirge an Tighearna;
acht sluigfighear an talamh uile le teine
a éuda : óir cuirfidh sé deireadh deith-
neasach leis a nuile dhuine dá náitrea-
bhann san tír.

CAIB. II.

Gu bfuil plágha searbha go teacht ar na geintibh arson iomad a bpeacadh.

CRuinnighidh sibh féin a bhfochair a
chéile, aseadh, cruinnighidh a ccion
a-chéile, a chineadh neamhdhúileamhuil.
2 Suil bhéaras a nsuagra amach, suil
imeachus an lá mar an ccáithleach, suil
thiucsas fearg bhorb an Tighearna
oruibh, suil thiucsas lá feirge an Tighear-
na oruibh.
3 Iarruidh an Tighearna, sibhsi a
uile dhrong ceannsa na talmhan, noch
doibrigh a bhreitheamhnus, iarruidh
fíreantachd, iarruigh macántachd,: do
bhféidir go bhfoileochtháoi síbh a ló
fheirge an Tighearna
4 Oir tréigfighear Gása agus [biáidh]
Ascélon na díamhaireachd : díbeoruid
Asdod amach san meadhón laói, agus
tochalthar Ecron as a freímh.
5 A mhairg do lucht áitrighthe chósta
na fairge, cíneadh na Cheretíteach : atá
focal an Tighearna bhur naghaidh : a
Chanaan, a dhúthaigh na Bhphilistíneach,
scriosfa mé thusa go dearbhtha, iondus
nach biáidh áitreabhthach ar bith [iomad]
6 Agus béid cóstadha na fairge na
náitibh comhnuighe, agus na mbothaibh
ag áodhairibh, agus na máinreachaibh ag
tréuduibh.
7 Agus bíaidh an cósta aig fuighioll
thighe Judah, biathfuid air, a ttighthibh
Ascélon luighfid síad síos tráthnóna : óir
cúairteachuidh an Tighearna a Ndía iad,
agus fillfidh sé a ndáoirsine úatha.
8 Do chuala mé masla Mhóab, & cás-
téoireachd chloinne Ammon, lé ar mhas-
luigheadar mo dháoine, agus lé ar mhór-
uigheadar íad féin a naghaidh a tteó-
rann.
9 Uimesin fa mar mhairim, a deir
Tighearna na slógh, Día Israel, go dé-
mhin biaidh Móab mar Shodom, & clann
Ammon mar Ghomorrah, eadhon na ma-
thair neantóg agus na poll saluinn, &
na háonranachd shiórruidhe ; millfidh
íardhráoi mo dhaóine íad, agus sealbho-
chuid íarsma mo dhaóine íad.
10 Isé so do gheabhuid ar son a ná-
bhair, do bhrígh gur mhasluigheadar &
gur mhóradar íad féin, a naghaidh
dhaóine Thighearna na slógh.
11 Bíaidh an Tighearna úathbhásach
dhóibh, óir cuirfidh sé uile dhée na tal-
mhan do ghorta, agus aidheoruid dáoine
eision gach áonduine as a ionad féin, ea-
dhon uile oilén na ngeinteadh.
12 Sibhsi a Etiopianuigh mar a
ccéadna, muirfighear sibh le mo chlói-
dheamhsa.
13 Agus sínfidh sé a lámh amach a
naghaidh an tuáisceart, agus scriosfuidh
sé a Nassiria, agus do dhéanuidh Nin-
bheh na háonránachd, agus tírim mar
fhásach.
14 Agus luighfid tréuda iona lár, uile
bheathacha na ccineadhach : coideochuid
na

an ſiachfairge ar áon agus an bunnán
léana iona lindéribh úachtaracha; canſa
a nguth annſna fuinneógaibh, biáidh
íonránachd annſna tairſighibh : oir
nochtfuidh ſé a nóbair céadair.
15 Iſi ſo an chathair lúathgháireach
do chomhnuigh neamhchùramach, a du-
bhairt iona croidhe, Atáimſe, & ní bhfuil
ann achd mé: cionnus do rinneadh
fáſach dhi, na háit aig beathachaibh
chum luighe ſios innte, gach uile duine
ghabhus láimh ria, déana ſé feadalach
agus croithfidh a lámh.

CAIB. III.

Brúſa mionáireach Jeruſalem, 7 le caombnadh na ccineadhach, 14 agus athnuadhughadh Iſraél.

A Mhairg dhiſe atá ſalach, agus
truaillighthe, do chathruigh na
héaccóra.
2 Níor umhluigh ſí don ghuth,
níor ghabh ſí ſmachd: níor dhóthchu-
ſaigh ſí annſa Tighearna, ní tháinic ſí
a ngar do Dhía.
3 Atáid a prionſadha inte a ſtigh na
leomhanuibh buile; atáid a breithea-
mhuin na cconaibh állta nóna, ní chrei-
mid ſiad na cnámha gus an maidin.
4 Is éattrom ſealltach a fáidhe : do
ſhalchadar a ſagairt an tſanctóir, do rinn-
eadar éigion air an ndligheadh.
5 Atá an Tighearna ceart iona lárſin,
ní dhéana ſé éaccóir : do bheir ſé a
bhreitheamhnus chum ſoluis gach áon
mhaidin, ní fhaillighion ſé: acht ní bhfuil
fós náire aig na daóinibh éiccearta.
6 Do ghearr mé amach na cineadha-
cha, atáid a ttuir uaígneach, do rinne mé
a ſráide na bhfaſach, iondus nach ga-
bhann duine ar bioth [íonta], ion-
dus nach bhfuil áitreabhthach ar bioth.
7 A dubhairt mé, Go deimhin biáidh
eagla ort : géabha tú teagaſg iondus
nach géarrfuidhe amach a náit chomh-
nighe, gidh gur ſmachtuigh mé íad: acht
d'éirghiodarſan go moch, agus do thruáil-
leadar a ngníomha uile.
8 Uimeſin feithidh ſibhſi orumſa, a
deir an Tighearna, nó go ttig an lá a
néireocha miſi ſúas chum na creiche; óir
ſé is mían damh na cineadhacha do
chruinniughadh, ionnus go ttoitheaſtluigh
mé na ríoghachda, do dhórtadh mo dhío-
ghla orra, eadhon mfearg bhorb uile:
óir loisgfighear an talamh uile lé téine
mo éada.
9 Oír annſin iompocha mé chum na
ndaóine teanga ghlan, chor go ngoirfid
uile ar ainm an Tighearna, d'ſoghnamh
dhó maille re háontoil.
10 On taóibh thall daibhnibh na Hétiópia
máos gearáin, eadhon inghean mo dhaói-
ne ſeachránach, bhéaruid moſráill leó.
11 Annſa ló ſin ní bhiáidh náire ort ar
ſon huile gníomh, ionar ſhàruigh tú am
aghuidhſi; óir annſin do bhéara mé am-
ach as do lár an mhéid gháirdighios ann
húabhar, agus ní bhiáidh tú uáibhreach ní
is mó, do bhrígh mo ſhléibhte náomh-
thaſa.
12 Fúigfidh mé fós ann do lárſa daóine
buáidheartha agus bochta; & cuir-
fid a ndóigh a nainm an Tighearna.
13 Ní dhéana íarſma Iſrael éicceart
ar bioth, ní mó laibheoruid bréaga : ní
mó gheabhthar teanga chealgach iona
mbéul: óir do gheabhuid beatha, agus
luighfid ſíos, agus ní chuirfe duine ar
bioth eagla orra.
14 Can, a inghean Shion : gáir a Iſ-
rael : bídh lúathgháireach, agus gái-
ridh maille red uile chroidhe, a inghean
Jeruſalem.
15 Do thóig an Tighearna do bhrei-
theamhnus díot, do theilg ſé amach do
námhuid: atá Rígh Iſrael, eadhon an
Tighearna ann do lár: ní fhaicfidh tú
olc ní is mó.
16 Annſa ló ſin a déarthar re Hieru-
ſalem, Ná bíodh eagla ort; agus re
Sion, Ná bídîs do lámha lag.
17 Is cumhachtach an Tighearna do
Dhía ann do lár : tárthocha ſé, gáirdeo-
cha ſé ós do chionnſa lé lúathghair:
coimhneocha ſé ann a ghrádh, gáirdeocha
ſé ós do chionn le caintic.
18 Cruinneocha mé an drong atá dò-
brónach ar ſon an choimhthionoil ſhol-
lamonta, noch atá dhíotſa, dá raibh a
mhaſla na úalach.
19 Féuch, millfidh mé annſa namſin a
nuile dhuine bhuáidhreas ſibh, & tártho-
cha mé iſi atá bacach, & cruinneochad
an bhean do díbreadh amach, & do ghea-
bha mé moladh & clû dhóibh ann gach
aointír ionar cuireadh náire orr.
20 Annſa namſin do bhéara mé ar bhur
nais ſibh, eadhon annſa nam a ccruinneo-
cha mé ſibh: óir do dhéana mé ainm
agus moladh dhibh eidir uile dhaóinibh
na talmhan, an tan iompochus mé ar ais
bhur ndaóirſine as coinne bhur ſúl, a
deir an Tighearna.

HAGGAI.

CAIB. I.

Achmhuſan do na Hiuduighthibh, chionn bheith ní is airighe um a ngnúis féin, no um ghnothuighibh Dé & a Theampuill.

ANNſa dara bliadhain do Dhárius
an Rígh, annſa chéad lá don mhí,
tháinic bríathar an Tighearna le Haggai
an fáigh go Serubbabel mhac Sealtiel,
uachdarán Júdah, & go Joſua mhac Io-
ſedech an tárdſhagart, ag rádh.
2 Is marſo labhrus Tighearna na ſlógh,
ag rádh, A deirid na daóineſi, Ní tháinic
an tam fós, an tam ionar chóir tigh an
Tighearna do chur ſúas.

3 Ann ſin tháinic bríathar an Tigh-
earna lé Haggai an ſáigh, ag rádh ;
4 An mithid dibhſe comhnuighe do
dhéanamh ann bhur ttighthibh diona, &
an tighſe na luidhe na fháſach ?
5 Anois uimeſin, is marſo a deir Ti-
ghearna na ſlógh : Meaſuigh féin bhur
ſlighthe.
6 Do chuireabhair mórán, agus is
beag bhearthaoi a ſteach : ithí achd ní
bhfuil go lór aguibh : ibhthí, acht ní
bhfuiltí líonta do dhigh : éaduighthí
achd ní bhfuil áonduine aguibh
ſeaſgair : agus an té thuillios túa-
ruſtal, tuilligh ſé túaraſtal dá chur a
mála bhriſde.
7 Is marſo a deir Tighearna na ſlógh,
Meaſuigh bhur ſlighthe.
8 Eirghidhe ſúas air a tſliabh, agus
tugaidh adhmad libh, & cuiridh an tigh
ſúas, agus biáidh dúil agamſa ann, agus
biáidh mé ar mo ghlórughadh, a deir an
Tighearna.
9 Do bhí ſúil agaibh ré mòrán, agus
féuch tháinic ſin chum beagáin ; agus an
tan thugabhair don bhaile é, do ſhéid
miſi air : cred uime, a deir Tighearna
na ſlógh ? do bhrígh mo thighe atà na
fháſach, agus riothuigh gach duine
aguibhſi dhá thigh féin.
10 Uimeſin do congmhadh an taiér ós
bhur ccionn ó dhrúcht, agus do cong-
mhadh an talamh ó na thoradh.
11 Agus do ghoir miſi air thiormach
air an ttalamh, & air na ſléibhtibh, agus
air a narbhar, & air an bhfíon núadh,
agus air a nola, & air an níſin noch do
bheir an talamh amach, agus air dhaói-
nibh, agus air áirnéis, agus air uile
ſháothar na lámh.
12 Annſin dumhluigh Serubbabel mhac
Seáltiel, agus Joſiah mhac Joſedech an
tárdſhagart, maille re huile íarſma an
phobail do ghuth an Tighearna a Ndía,
& do bhríathraibh Haggai an ſáigh (mar
do chuir an Tighearna a Ndía úadh é)
agus do bhí eagla air an bpobal roimhe
an Ttighearna.
13 Annſin do labhair Haggai teachtaire
an Tighearna, a tteachdaireachd an Tigh-
earna ris an bpobal, ag rádh, Atáimſi
maille ribh, a deir an Tighearna.
14 Agus do chorruigh an Tighearna ſúas
ſpiorad Sherubbabel mhic Seáltiel, úach-
tarán Júdah, agus ſpiorad Joſuah mhic
Ioſedech an tárdſhagart, agus ſpiorad
íarſma an phobail uile, & thangadar, &
doibrigheadar a ttigh Thighearna na
ſlógh a Ndía,
15 Annſa cheathramhadh lá fithchiod
don tſeiſeadh mí, annſa dara bliadhuin
do Dhárius an Rígh.

C A I B. II.

*Oirdheareus an Teampuill, tar éis a ath-
thogbhala.*

ANNſa ſeachtmhadh mí, annſa náon-
mhadh lá fithchiod don mhí, tháinic
bríathar an Tighearna leis an bhfáigh
Haggai, ag rádh.
2 Labhair anois re Serubbabel mhac
Seáltiel, úachdaran Iúdah, agus re Ioſuah
mhac Ioſedech an tárdſhagart, agus
ris an ccuid oile don phobal, ag
rádh,
3 Cía do fágbhadh ann bhur meaſgſa
do chonairc an tighſe iona chéadghlóir ?
agus ciondus do chítí anois é ? nach
bhfuil ſé ann bhur ſúilibh a ccompráid dó
amhuil neimhní ?
4 Gidheadh cheana anois bídh láį-
dir, a Sherubbabel, a deir an Tigh-
earna, agus bí láidir, a Ioſuah mhic
Ioſedech an tárdſhagart, agus bíthí
láidir a uile phobal na tíre, a deir an
Tighearna, agus oibrighidh : (óir a-
táimſi maille libh, a deir Tighearna
na ſlógh.
5 Do réir a nfocail do cheangail mé
ribh, a nuáir thangabhair as a Négipt,
marſin do chomhnuigh mo ſpiorad ead-
ruibh : ná bíodh eagla oruibh.
6 Oir is marſo a deir Tighearna na
ſlógh, Tamall bheag fós, agus croithfidh
mé na neamha, agus an talamh, agus a
nfairge, agus an talamh tirim.
7 Agus criothfidh mé na huile chinea-
dhacha, agus tiucfuidh Fonn na nuile chi-
neadh, agus líonfa mé an tighſe le
glóir, a deir Tighearna na ſlógh.
8 Is liomſa an tairgiod, & is liom an
tór, a deir Tighearna na ſlogh.
9 Budh mó glóir an tighe dheighionaighſi
ná an chéad tighe, a deir Tighearna na
ſlógh : agus do bhéara miſi ſíoth-
cháin annſa náitſi, a deir Tighearna na
ſlógh.
10 Annſa ceathramhadh lá fithchiod don
náomhadh mí, annſa dara bliadhain do
Dhárius, tháinic bríathar an Tighearna le
Haggai an fáigh, ag rádh.
11 Is marſo a deir Tighearna na ſlógh,
Fiafruigh anois do na ſagartaibh do
thaóibh an dlighe, ag rádh.
12 Má iomchrann duine feóil náomhtha
a ſciorta a éaduigh, agus go mbeanfa a
ſciorta re harán, nó ré praiſce, no ré fíon,
no ré hola, nó ré bíadh ar bioth, an
mbiáidh ſin náomhtha ? & do fhreagradar
na ſagairt, agus a dubhradar, Ní bhiáidh.
13 Annſin a dubhairt Haggai, Má
bheanann duine bhíos neamhghlan ó
mharbh, re háonchuid díobhſo, an mbi-
áidh ſé neamhghlan ? agus do fhreagra-
dar na ſagairt, agus a dubhradar, Biaidh
ſé neamhghlan.
14 Annſin do fhreagair Haggai, a-
gus a dubhairt ſé, Is marſin atá an po-
balſo, agus is marſin atá an cineadhſo
dom' lathairſi, a deir an Tighearna ;
agus is marſin atá uile obair a lámh,
agus an ní ofráluid annſin, is neamh-
ghlan é.
15 Agus anois íarruim dathchuin-
ge oruibh, meaſuidh ón ló a niugh agus
ſúas, ó roimhe chloich ar bioth do chur

ar

ar chloich, a tteampall an Tighearna.
16 O do bhádar na láethesin, an tan
tháinic áon go cárn fhithchiod [mio-
ſúr,] ní raibh acht deich mioſúir ann:
a máir tháinic áon gus a numar brúite a
nfiona do tharruing cháogad ſoigh-
theach amach ón numar, ní raibh ann
achd fithche ſoitheach.
17 Do bhuail miſi ſibh re gáoth-
ruáidh, agus lé milcheó, agus lé cloich-
ſhneachda, ann uile ſhaothruibh bhur
lámh: gidheadh nior fhilleabhair chu-
gam, a deir an Tighearna.
18 Meaſuidh anóis ón ló a niugh
& ſúas, ón cheathramhadh lá fithchiod
don náomhadh mí, eadhon ón ló far
leagadh bunáit theampuill an Tigh-
earna, meaſuidh é.
19 An bhfuil an ſiol fós annſa
ſcioból? aſeadh fós ní thug a nfinea-
mhuin, agus an crann fíge, agus an
pomgranat, agus an crann ola a
thoradh: ón ló ſo amach beinneocha
mé ſibh.
20 Agus a rís tháinic briathar an Ti-
ghearna go Haggai annſa cheathramhadh
la fithchiod don mhí, ag rádh.
21 Labhair re Serubbabel, úachtarán
Iúdah, ag rádh, Croithfidh mé na nea-
mha, agus an talamh.
22 Agus ſcriosfa mé cathaóir rioghach-
tadh, agus ſcriosfa mé neart rioghachd-
adh na ngeinteadh, agus teilgfidh
mé ſeachad na carbuid agus an
drong do ní marcuigheachd ionta, agus
tiucfuid na heich agus marcſhluagh a
núas, gach áonduine le cloidheamh a
dhearbhrathar.
23 Annſa ló ſin, a deir Tighearna na
ſlógh, glacfa mé thuſa, a Sherubbabel
mo ſhearbhfhoghantuigh, mac Seáltiel, a
deir an Tighearna, agus do dhéana mé
thú mar chomhartha: óir do thogh mé
thú, a deir Tighearna na ſlógh.

SECHARIAH.

CAIB. I.

*Comhairle dhuthrachtach chum aithrea-
chus. 12 agus teaſghradh Chríoſd attaobh
Jeruſalem.*

ANNſa nochtmhadh mí, annſa dara
bliadhain do Dháirius, tháinig
briathar an Tighearna go Sechariah
mhac Barachiah, mhic Iddo an fáigh,
ag rádh.
2 Do bhí an Tighearna ro fheargach
re bhur naithribhſi.
3 Uimeſin abairſi riú, Is marſo a deir
Tighearna na ſlógh, Fillidhſi chugamſa,
agus fillfe mhiſi chugaibhſi, a déir Ti-
ghearna na ſlógh.
4 Ná bíthiſe amhuil bhur naithre dar
ſhairgradar na céadfháighe, ag rádh, Is
marſo a deir Tighearna na ſlógh, Fillidh
anois ó bhur ndroichſhlighthibh, agus ó
bhur ndroichghníomhuibh: acht níor
éiſdodar, & ní thugadar aire dhamhſa,
a deir an Tighearna.
5 Bhur naithre, cáit a bhfuilid? agus
na fáighe, an mairid choidhche?
6 Acht nach ar ghlacadar mo bhríath-
raſa agus mo reachda, noch daithin mé
dom ſhearbhfhoghantuibh na fáighe,
greim da bhur naithribhſe? & dfilleadar,
& a dubhradar, Amhuil mar do bhreath-
nuigh Tighearna na ſlógh do dhéanamh
rinne, do reir ar ſlighthe, agus do réir ar
ngníomh, is mar ſin do rinne ſé rinn.
7 Ar an cceathramhadh lá fithchiod
don náonmhadh mí déug, noch ar bhí
mí Sebat, annſa dara bliadhain do Dhá-
rius, tháinic briathar an Tighearna go
Sechariah mhac Barachiah, mhic Iddo
an fáigh, ag rádh,
8 Do chonnairc mé ſan noidhche, agus
féach duine ag marcuigheachd air each
rúadh, & do ſheas ſé a meaſc na ccrann
Miortail noch do bhí ſan ghleann, agus
do bhádar na dhiaigh eich dhearga,
bhallacha, agus bhána.
9 Annſin a dubhairt miſi, Oh mo Thigh-
earna, cred íad ſo? agus a dubhairt an
taingiol do chomhráidh riom, Taisbeanfa
mé dhuit, cred íad ſo.
10 Agus do fhreagair an duine do
ſheas a meaſc na ccrann Miortail, agus
a dubhairt, Iſiád ſo an drong do chuir an
Tighearna do ſhiubhal ſios ſúas air fud
na talmhan.
11 Agus do fhreagradarſan aingeal an
Tighearna do ſheas a meaſg na ccrann
Miortail, agus a dubhradar, Do ſhiubh-
luigheamar ſios ſúas air feadh na tal-
mhan: agus féuch, atá an talamh uile
ſuáimhneach, & atá ſé ſiothchánta.
12 Annſin do fhreagair aingeal an
Tighearna, & a dubhairt, A Thighearna
na ſlógh, ga fad nach déana tú gráſa air
Jeruſalem, agus air chaithreachaibh Jù-
dah, a naghaidh a raibh thfearg na deich
mbliadhna agus trí fithchidſi?
13 Agus do fhreagair an Tighearna
an taingiol do chomhraidh riomſa re
bríathruibh maithe, agus le bríathruibh
comhfhurtachta.
14 Marſin a dubhairt an taingiol do
chomhráidh riomſa, Eighſi ag rádh; is
marſo a deir Tighearna na ſlógh, At-
áimſi éadmhar fa Jeruſalem, agus ar ſon
Shion maille re héud mór.
15 Agus atáim ró fheargach ris na
geintibh atá go ſúaimhneach, oir ní
raibh ach fearg bheag orum, agus do
chuidigheadarſan a naindeiſi do dhul
ar a haghaidh.
16 Ar a nadhbharſin is marſo a deir
an Tighearna, Dfill miſi go Hieruſa-
lem maille re trócaire: cuirfighe-
ar

ar mo thigh ſúas inte, a deir Tighear-
na na ſlógh, agus ſinſidhthear dorubha
amach air Iſrael.
17 Fúagair fós, ag rádh, Is marſo a
deir Tighearna na ſlógh, Leithneochthar
fós tré ſhonus mo chaithreacha, agus fós
fuirteachuidh an Tighearna Sion, agus
toigfidh fós Jeruſalem.
18 Annſin do thóig me ſúas mo ſhúile,
agus damhairc mé, agus féuch, ceithre
hadharca.
19 Agus a dubhairt mé ris a naingiol
do chomhráidh riom; Cred íadſo? agus
do fhreagair ſeiſion mé, Iſiad ſo na
hadharca do ſcánruigh Iúdah, Iſrael,
agus Ieruſalem.
20 Agus do thaisbéin an Tighearna
dhamh ceathrar ſáor.
21 Annſin a dubhairt miſi, Ciod a
ttangadar ſo dhá dhéanamh? agus do
labhair ſeiſion, ag rádh, Siad ſo na hadh-
arca do ſcáoil ó chéile Iúdah, iondus nar
thóg duine ar bioth a cheann ſúas; acht
thangadar ſo do chur eagla orra, do
theilgion adharca na ngeinteadh amach,
noch do thóg ſúas a nadharca ós cionn
tíre Iúdah dá ſcapradh.

CAIB. II.

Atá Dia na dhíon 8 iongantach do Jeruſalem 11 & na thearmun na ccineadhach.

DO thóig mé mo ſhúile ſúas a rís, &
damhairc mé, & féuch, duine go
ndorubha thomhais iona láimh.
2 Annſin a dubhairt mé, Cáit a racha
tuſa? agus a dubhairt ſeiſion riom, Do
thomhas Ieruſalem, agus dféachuin cred
a leithne, agus cred a fad.
3 Agus féuch, do chuáidh an taingiol
do labhair riomſa amach, agus do chuáidh
aingiol oile amach na choinne.
4 Agus a dubhairt ſé ris, Rioth, labhair
ris a nógánachſa, ag rádh, Aiteachthar
Ieruſalem mar bhailte gan bhalladha,
ar iomad na ndaóine agus na háirnéiſi
bhías innte.
5 Oír biaidh miſi, a deir an Tigh-
earna, am bhalla teineadh dhi tim-
chioll fa ccuáirt, agus biáidh mé am
ghlóir iona lár.
6 Ho, ho, tigidh amach, agus teithidh
ón ttír thúaigh, a deir an Tighearna: óir
do leathnuigh miſi amach thú mar chei-
thre gaotha neimhe, a deir an Tighearna.
7 Tárthuigh thú féin, a Shion, chomh-
nuighios maille re hinghin na Babilóine.
8 Oír is marſo a deir Tighearna na
ſlógh, a ndiáigh na glóire do chuir ſé
miſi chum na ccineadhach do chreach
ſibhſi: óir an té bheanas ribhſi, bea-
nuidh ſé ré mogal a ſhúlſan.
9 Oír féuch, croithfidh miſi mo lámh
orra, agus béid na néadáil dá ſheirbhí-
ſeachaibh, & aitheontáoi gur bé Tighear-
na na ſlógh do chuir úadh mé.
10 Can agus gáirdigh, a inghean
Shion; óir féuch, tháinic miſi, agus
coimhneocha mé ann do lár, a deir an
Tighearna.
11 Agus ceangoluid mórán cineadh-
ach ris an Tighearna annſa lóſin, agus
béid na bpobal agumſa: agus áitreocha
miſi ann do lárſa; agus aitheonuidh tú
gur bé Tighearna na ſlógh do chuir chu-
gad mé.
12 Agus ſealbhochuidh an Tighearna
Iúdah a chomhroinn annſa talamh
náomhtha, & bhéaruidh Ieruſalem do
roghuin a rís.
13 Bíthi bhur ttochd a uile ſhéoil a
lathair an Tighearna: óir atá ſé
ar na thógbháil ſúas as a áitreabh
naomhtha.

CAIB. III.

Faſi phearſa Joſua, ciallaighthear ſaoradh na mpeacach.

AGus do thaisbéin ſé dhamh Ioſ-
uah an tárdſhagart na ſheaſamh as
coinne aingil an Tighearna, agus Sá-
tan na ſheaſamh dhá láimh dheis chum
cur na aghaidh.
2 Agus a dubhairt an Tighearna ré
Sátan, Go naithbhiridh an Tighearna thú
a Shátan, eadhon an Tighearna do thogh
Ieruſalem go nimdhearga ſé thú: nach
aithinne ſo ar na tharruing as an
tteine?
3 Anois do bhí Ioſuah éaduighthe le
héadach ſalach, agus do ſheas ſé as
coinne a naingil.
4 Agus do fhreagair ſé, agus do la-
bhair ris an ndroing do ſheas as a
choinne, ag rádh, Beiridh libh na hé-
duighe ſalcha úadh: agus a dubhairt ſé
riſion, Féuch, thug mé air héigceart
imtheachd uáit, agus éideocha mé thú
lé malairt culaidh.
5 Agus a dubhairt miſi, Cuirdis bairrín
breádha air a cheann: annſin do chuirea-
dar bairrín breádha air a cheann: & do
éaduigheadar é lé culadhuibh, agus do
ſheas aingiol an Tighearna aca.
6 Agus do dhearbh aingiol an Tigh-
earna do Ioſuah, ag radh,
7 Is marſo a deir Tighearna na
ſlógh, Má ſhiubhluighionn tú ann mo
ſhlighthibhſe, agus má choimhéadann tú
mo chúram, annſin do dhéana tú brei-
theamhnus air mo thigh, & cuimhdeocha
tú fós mo chúirtionna, & do bhéara mé
áite dhuit do ſhiubhal na meaſc ſó, noch
ſheaſas láimh riot.
8 Eiſd anois a Ioſuah, a árdſha-
gairt, thú féin agus do chompánuigh
ſhuighios as do choinne: óir is dáoine da
ndéantar iongnadh íad; óir féuch, do
bhéara miſi amach mo ſheirbhíſeach, an
BEANGAN.
9 Oír féuch, an chloch do chuir mé
roimhe Ioſuah, béid ſeacht ſúile air áon-
chloich: féuch, greanſa mé a ghreanta-
ſan, a deir Tighearna na ſlógh, agus
áthrocha mé éigceart na dúichthe ſin a
náonló.
10 Annſa ló ſin, a deir Tighearna na
ſlógh, goirfidhe gach uile dhuine aguibh
a chombarſa

a chombarsa faoi an bhfineamhuin, agus
faoi an ccrann fige.

C A I B. IV.

Is í fagbhair chriosd, Serubbabel.

AGus tháinic an taingiol, do chomh-
raidh riom a rís, agus do dhúisigh
sé mé amhuil duine dúisighear as a
chodladh.
2 Agus a dubhairt sé riom, Cred do
chí tú? agus a dubhairt misi, Damhairc
mé, & féuch cuinnleóir uile dór go
scála air a mhullach, & seachd ttóirsi air,
agus seachd bpiopa chum na seachd lam-
paibh, noch do bhí air a mhullach.
3 Agus dá chrann ola láimh ris: áon
aca air an ttaóibh deas don scála, agus
an dara crann don taóibh chlé dhe.
4 Marsin do fhreagair mé, agus do
labhrus ris a naingiol do chomhráidh
riom, ag rádh, Cred iadso, a Thighearna?
5 Annsin do fhreagair an taingiol
do comhráidh riom, agus a dubhairt sé
riom, Nach bhfeadar tusa cred iad
ó? agus dubhairt misi, Ní fheadar, a
Thighearna.
6 Annsin do fhreagair seision, agus do
labhair sé riomsa, ag rádh, Isé so bria-
thar an Tighearna re Serubbabel, ag
rádh, Ni lé slúagh, nó lé cumhachdaibh,
acht lé mo spioraidse, a deir Tighearna
na slógh.
7 Cía thusa, a shléibh mhóir? do
dhéantar réiteach dhiotsa roimhe She-
rubbabel, agus do bhéara sé amach a
cheannchloch sin lé gárrthuibh, ag
glaodhuigh, Grása chuige.
8 Tuilleamh fós, tháinic briathar an
Tighearna chugam, ag rádh.
9 A síad lámha Sherubbabel do
chuir bunáit faoi an tighso, isiad fós a
lámha chríochnochus é, agus aitheonuigh
tú gur bé Tighearna na slógh do chuir
misi chugad.
10 Oír cía do tharcuisnigh lá na ni-
theann mbeag? óir gairdeochuid, & do
chífid an dorubha a láimh Sherubbabel
maille ris an móirsheisior sin, isiad
súile an Tighearna, noch riothios síos
sías air feadh na talmhan uile.
11 Annsin do fhreagair misi, agus a
dubhairt mé ris, Cred íad an dá chrann
olasa air an ttaoibh ndeas don choinn-
leoir, agus air an ttaoibh chlé Dhe?
12 Agus do fhreagair mé a rís, a-
gus a dubhairt mé ris, Cred íad an dá
bheangán chrann olaso, noch folmhuigh-
ios a nola órdha thrid an dà phíopa
órdha asta féin?
13 Agus do fhreagair seision mé, &
a dubhairt; Nach bhfuil a fhios agadsa
cred íad so? agus a dubhairt misi, Ní
fheadar, a thighearna.
14 Annsin a dubhairt seision, Isiad
so an dá ungthach sheasas láimh ré Ti-
ghearna na talmhan uile.

C A I B. V.

*Inneachadh Dé, ar ghaduidhibh, agus ar
lucht mionna: & le samhlachus dhroch
theagaisc, & léir-scrios Bhabilon.*

ANNsin dfill mé, agus do thóig
mé mo shúile súas, agus damhairc
mé, agus féuch rola ag eiteolluigh.
2 Agus a dubhairt sé riom, Cred
do chí tú? agus do fhreagair misi, Do
chím rola ag eitiolluigh, fithche cubhad
iona fhad, agus deich ccubhaid iona
leithiod.
3 Annsin a dubhairt seision riom, Isé
so an mallughadh théid amach thair
aghaidh na talmhan uile: óir gérr-
fuighear amách gach uile dhuine ghadus
mar budh eadh don taóibhsi, dhá réir;
agus géarrfuighear amach gach uile
dhuine do bheir mionna, mar budh
eadh don taóibh oile, dhá réir.
4 Do bhéara mé amach é, a deir Ti-
ghearna na slógh, agus rachuidh a steach
go tigh an ghaduighe, agus go tigh an
té do bheir mionna bréige fam ainmsi,
agus ansa a lár a thighe, agus cnaóidh-
fidh é, maille re na adhmad, agus gun
a chlochaibh.
5 Annsin do chuáidh an taingiol do
labhair riom amach, & a dubhairt sé
riom, Tóig súas a nois do shúile, & féuch
cred é an ní so théid amach.
6 Agus a dubhairt misi, Cred é? agus
a dubhairt seision, Is éphah so théid
amach: a dubhairt sé fós, isé so a ccos-
samhlachd air feadh na talmhan uile.
7 Agus féuch, do tógbhadh súas tal-
lann luáighe, agus is bean so na suidhe
a lár a néphah.
8 Agus a dubhairt sé, Isé so an
tolc, agus do theilg sé a lár a néphah é,
agus do theilg sé an comhthrom luáighe
air a bhéul.
9 Ann sin do thóig mé mo shúile súas
agus damhairc mé, agus féuch, tháinic
días ban amach, agus do bhí an ghaoth
iona sciathánuibh (óir do bhádar scia-
tháin orra amhuil sciatháin cuirre glaise)
agus do thógbhadar súas an téphah idir
an ttalamh agus neamh.
10 Annsin a dubhairt misi ris an nain-
giol do chomhráidh riom, Cáit a mbea-
ruid so an téphah.
11 Agus a dubhairt seision riom, Do
dhéanamh tighe dhó a ttír Shinar; agus
daingneochthar é, & suigheochthar ann
sin air a bhunáit féin é.

C A I B. VI.

*Gu bfuil na náomh-aingil inà ndidneóirighibh
na Heagluise, faoi Chriosd an Beangan.*

AGus diompoigh mé, agus do thóig
mé mo shúile suas, agus damhairc
mé, agus feuch, thangadar ceithre
carbuid amach ó idir dhá shliabh,
agus do budh sléibhte práis na sléibhte
sin.
2 Annsa chéad charbad do bhádar eich
dhearga, agus annsa dara carbad eich
dhubha.

3 Agus annsa treas carbad eich bhá-
na, agus annsa cheathramhadh carbad
eich ríabhacha agus dhonna.
4 Annsin do fhreagair misi, & a du-
bhairt mé ris an naingeal do chomh-
raidh riom, Cred iadso, a thighearna?
5 Agus do fhreagair an taingiol, agus
a dubhairt sé riom, Isiadso ceithre spio-
raid neimhe, noch théid amach ó fheas-
amh a bhfiadhnuisi Thighearna na
talmhan uile.
6 Téid na heich dhubha atá ann amach
dón tir thuáigh, & téid na heich bhána
amach na ndiáigh, agus na heich ría-
bhacha leith ris an ttír theas.
7 Agus do cháadar na heich dhonna
amach, & do thairgiodar imtheacht, ion-
dus go siubholaidis síos agus súas air
feadh na talmhan: & a dubhairt seision,
Eirighsi as so, siubhluigh síos agus
súas air feadh na talmhan; marsin do
shiubhluigheadar síos agus súas air feadh
na talmhan.
8 Annsin dfúagair sé orumsa, agus do
labhair sé riom, ag rádh, Féuch an drongso
théid do ntaóibh thuáigh, do chiúnuigh-
eadar mo spiorad annsa tír thuáigh.
9 Agus tháinic bríathar an Tigh-
earna chugamsa, ag rádh.
10 Glac úathaso don bhruid, eadhon ó
Heldai, ó Thobiah, agus ó Iedaiah,
noch tháinic ón Bhabilóin, agus tárrsa
an lá céadnasin, agus éirigh go tigh
Iosiah mhic Sephaniah.
11 Annsin glac airgiod agus ór,
agus déana coróine, agus cuir íad ar
cheann Iosuah mhic Iosedech an tárd-
shagart.
12 Agus labhair ris, ag rádh, Is marso
a deir Tighearna na slógh, ag rádh,
Féuch an duine darab ainm an BEAN-
GAN, agus fásfuidh sé súas as a áit,
agus cuirfe sé súas teampall an Tigh-
earna:
13 Oír cuirfidh sé súas teampall an
Tighearna, agus iomchora sé an ghlóir,
agus suidhfidh sé, & ríaghlochuidh
air a chathaóir ríogha, & biáidh na sha-
gart air a chathaoir ríogha, & biáidh
comhairle na siothchána eatorra araon.
14 Agus béid na coróine ag Helem,
agus ag Tobijah, agus ag Iedaiah, & ag
Hen mhac Sephaniah, mar chuimhne a
tteampall an Tighearna.
15 Agas tiucfaid an drong atá a
bhfad uáit, & cuirfid súas a tteampall
an Tighearna, agus aitheontaói gur bé
Tighearna na slogh do chuir misi chu-
gaibh: agus tiucfa so a ccrích, ma umh-
luighthaói go dúthrachtach do ghuth án
Tighearna bhur Ndía.

CAIB. VII.

An trosgadh thaitneamhas re Día.

AGus tarla annsa cceathramhadh
bliadhain do righe Dhárius go
ttáinic bríathar an Tighearna go Secha-
riah annsa ceathramhadh lá don náo-
mhadh mí, eadhon ann Chislen.
2 A nuáir do chuireadar go tigh Dé
Serester, & Regem-melech, & a ndaóine,
do ghuidhe a lathair an Tighearna.
3 Agus do labhairt ris na sagartaibh,
noch do bhí a ttigh Thighearna na
slógh, & ris na fáighibh, ag rádh, Nar
chóir dhamhsa gul da dhéanamh annsa
chuigeadh mí, dom dhealughadh féin
mar do rinne mé an móran bliadhansa!
4 Ann sin tháinic briathar Thighearna
na slógh cugamsa, ag rádh,
5 Labhair ré huile phobal na tíre, &
ris na sagartaibh, ag rádh, A nuair do
throisgeabhair, agus do chaóidheabhair
annsa chúigeadh & annsa seachdmhadh
[mí] eadhon air feadh na seachtmbogha
blíadhansin, a ndéarnabair éantroscadh
ar bioth ar mo shonsa?
6 Agus an tan do itheabhair, agus a
tan do ibheabhair, nach ar itheabhair &
nach ar ibheabhair air bhur son féin!
7 Nach ar chóir dhíbh na bríathra
déisdeachd, noch do fhúagair an Tigh-
earna ris na céadfháighibh, an tan do bhí
Ierusalem áitreibhthe, & a sonus, agus a
caithreacha na timchioll fa ccúairt, a
nuáir do áitreabhadar daóine annsa deis-
ceart agus annsa réiteach?
8 Agus tháinic bríathar an Tighearna
go Sechariah, ag rádh,
9 Is marso labhrus Tighearna na
slógh, ag rádh, Déanuigh breitheamhnas
ceart, & foillsighidh trócaire & truáighe
gach áon dá dhearbhrathair.
10 Agus ná brúighidh an bhaintreabh-
thach nó an dilleachda, an coimhigh-
theach nó an bocht, agus ná smuáineadh
aôinneach agaibh olc ann bhur ccroidhe
a naghaidh a dhearbhrathar.
11 Acht do dhíultadar éisdeacht, agus
do thairngiodar a slinéun [ón ccuing] &
do stopadar a cclúasa, iondus nach
ccluinfidis.
12 Do rinneadar fós a ccroidhthe mar
chloich adamant, deagla go ccluinfidis an
dligheadh, & na bríathra do chuir Ti-
ghearna na slogh iona spiorad leis na
fáighibh roimhe: uimesin tháinic fearg
mhór ó Thighearna na slôgh.
13 Ar a nadhbharsin tháinic a ccrích
amhuil do fhúagair sé, & nar bháill leo
éisdeacht; marsin do eighiodarsan agus
níor bháili liomsa cluinnsion, a deir Ti-
gearna na slógh.
14 Acht do scanruidh mé iad le
gaóith ghuáirdeáin a measg na nuile chi-
neadhach nar bhaithnidh dhóibh: mar sin
do bhí an tír áonranach na ndiaigh,
iondus nach gabhadh duine ar bith
thríthe, nó air a ais: óir dfágbhadar an
ndúthaigh thaitneamach na fásach.

CAIB. VIII.

Gu bhfuil fearg Dè soi-filleadh, agus i fein soi-rèidhteach, ré daóinibh thig le deaghmhéin.

Tháinic

THáinic briathar Thighearna na slógh
chugamsa a ris, ag rádh,
2 Is marso a deir Tighearna na slógh,
Do bhí mé éudmhur fa Shion maille re
héud mór, agus do bhí éud orum go
dibhfheirgeach uimpe.
3 Is marso a deir an Tighearna, Dfill
mé chum Sion, & áitreocha mé a mea-
dhón Jerusalem, agus goirfighear cathair
na fírinne do Jerusalem, & sliabh
Thighearna na slógh don tsliabh náomh-
tha.
4 Is marso a deir Tighearna na slógh,
Áitreachuid fós seandaoine & mná áosda
a sráidibh Jerusalem, agus a nuile dhuine
gun a bhata iona laimh tre iomad a
laétheadh.
5 Agus biáidh sráide na caithreacha
lán do bhúachaillibh, agus do chailinibh
ag súgradh iona sráidibh.
6 Is marso a deir Tighearna na slógh,
Mas iongantach é a súilibh iarsma an
phobailsi annsna laethibhse. An mbia fós
iongantach ann mo shúilibhsi, a deir Ti-
ghearna na slógh?
7 Is marso a deir Tighearna na
slógh, Féuch tárthocha mé mo dhaóine ón
ttír shoir agus ón ttír shiar.
8 Agus do bheara mé liom iad, & ái-
treachuid siad a lár Ierusalem, & béid
na bpobal agumsa, agus biáidh misi am
Dhia acasan a bhfírinne & a cceart.
9 Is marso a deir Tighearna na slògh,
Bidis bhur lámha láidir, a dhrong do
chluinn annsna laéthibhsi ná briathrasо lé
béal na bhfágh, noch do bhí annsa ló ar
suigheadar bunáit thighe Thighearna
na slógh, chor go ccuirfidhe an teampal
suas.
10 Oir roimhe na laéthibhsi, ní raibh
túarusdal ar bioth do dhuine, nó túarus-
dal ar bioth do bheathach, ní mó do bhí
síothcháin ag an tí do rachadh amach, nó
thigeadh a steach, do bhrígh an bhuái-
dheártha: óir dó chuir misi gach uile
dhuine a naghaidh a chomharsan.
11 Acht anois ní bhiáidh mé d'iar-
sma na ndáoinesi do nós na láetheadh
roimhe.
12 Oir biáidh an síol conáidh, do bhéa-
ra an fhíneamhuin a toradh, & do bhéa-
ra an talamh a bhiseach, & do bhearuid
na neamha a ndrúcht, & do bhéara mé
air iarsma an phobailsi iadso uile do
shealbhughadh.
13 Agus tiucfa a ccrích mar do bhadh-
bhair bhur mallughadh a measg na ngein-
teadh a thigh Júdah, & a thigh Israel;
marsin coibhreocha misi sibh, & béithi
bhur mbeannughadh: na heagluighidh,
acht bidis bhur lámha láidir.
14 Oir is marso a deir Tighearna na
slógh, Mar do mheas mé bhur smachtu-
ghadh, an tan do bhrostuigheadar bhur
naithre mé chum feirge, a deir Tighearna
na slógh, agus nar bhaithreach liom é;
15 Marsin fós a rìs do mheas mé
annsna láethibhsi a dhéanaṁh go maith
do Jerusalem, agus do thigh Júdah: ná
bìodh eagla oruibh.
16 Isiad so na neithe do dhéantáoi,
Labhradh gach áon aguibh a nfírinne re
na chomharsoin, déanuidh breitheamh-
nus fírinne agus síodhchána ann bhur
ngeatadhuibh.
17 Agus ná smuaineadh duine ar
bioth aguibh olc ann bhuir ccroidhthibh
a naghaidh a chomharsan, agus na grá-
dhuighidh mionna bréige: óir is neithe
íadso uile fhuáthuighimsi, a deir an Ti-
ghearna.
18 Agus tháinic briathar Thighearna
na slógh chugamsa, ag rádh.
19 Is marso a deir Tighearna na slógh,
Biáidh troscadh an cheathramhadh mí,
agus troscadh an chúigeadh, & troscadh
an seachdmadh, & troscadh an deach-
mhadh, [mí] na ghairdeachus, agus na
lúathghair & na bhféusluighibh subhacha
do thigh Júdah: ar a nadhbharsin grá-
dhuighidh fírinne agus síothcháin.
20 Is marso a deir Tighearna na
slógh, Biáidh fós aimsir go ttiucfa iomad
daoine, agus áitreabhthuigh mhórán
caithreach.
21 Agus rachuid áitreabhthuigh gach
aon chaithreach go chéile, ag rádh, Dea-
nam tráth do ghuidhe a lathair an Tigh-
earna, agus diarruigh Thighearna na
slógh: rachaidh misi mar an ccéadna
ann sin.
22 Aseadh fós tiucfuid móran daóine,
agus cineadhacha láidre diarruidh Thi-
ghearna na slógh ann Ierusalem, agus
do ghuidhe a bhfiaghnuisi an Tighearna.
23 Is marso a deir Tighearna na slógh,
annsna laéthibh sin béaruid deithneamhar
fear greim as uile theangaidh na ccin-
eadhach, eadhon béaruid siád greim air
sciorta an tí bhías na Iúduighe, ag rádh,
Rachuimne leachd; oir do chúalamar go
bhfuil Dia maille ribh.

CAIB. IX.

Criosd an Rígh, ag marcaigheachd ar an asal uirisiol.

UAlach bhréithre an Tighearna a
ttír Hadrach, & budh é Damascus
a shuaimhneas sin: a nuáir bhías súile an
duine, mar bhiáid súile uile threabh Is-
rael, leath ris an Tighearna,
2 Agus teórannfuidh Hamat mar an
ccéadna láimh ris; Tírus agus Sidon,
máta go bhfuil ro chríonna.
3 Agus do rinne Tírus daingean láidir
dhi féin, agus do chruach sí airgiod súas
amhuil luáithreadh, agus ór glan amhuil
láib na sráideann.
4 Féuch, teilgfidh an Tighearna amach
í, agus búailfidh sé a ccumhacht annsa
bhfairge, agus dóighfighear lé teine í.
5 Do chífidh Ascelon é, agus biáidh ea-
gla air; do chífidh Gasa fós é, agus bi-
áidh ro dhubhach, agus Ecron: óir nair-
eochthar a dóthchus, & díoghbháighfidh

an Rígh ó Ghasa, agus ní biáidh Ascélon
aitrebhthe.
6 Agus coimhneochuidh basdard ann
Asdod, agus geárrfa misi amach úabhar
na Bhphilistineach.
7 Agus bhéara mé a fhuil as a bhéul
& a ghráineamhlachd ó idir a fhíaclaibh
acht an té mhairfios, biáidh seision ar
son ar Ndéine, agus biáidh sé amhuil
úachtarán ann Iúdah, agus Ecron amh-
uil Iebusiteach.
8 Agus suighfse mé a ttimchioll mo
thighe do bhrígh na harmála, do bhrígh
an té fhillios; & ni ghéabuid lucht
sáruighthe ar bioth tríotha ní is mó: òir
a nois do chonnairc mé lem shúilibh.
9 Urghairdigh go mór, a inghean
Shion; gáir a inghean Ierusalem: feûch,
atá do Rígh ag teacht a tshochair: atá sé
ceart, agus slánughadh aige, go huirisiol
ag marcuigheachd air assal, agus air
bhromach, searrach assail.
10 Agus géarrfa mé an carbad ó E-
phraim, agus an teach ó Ierusalem: agus
gearrfuighear amach bogha an chatha,
agus laibheoruidh se síothchain ris na
geintibh, & biáidh a ríoghachd ó mhuir
go muir, agus ó nabhuin go críochuibh
na talmhan.
11 Ar do shonsa fós, le fuil do chunn-
artha do chuir mé amach do phríosú-
naigh as an log ann nach bhfuil uisce.
12 Fillidhse chum an chaisléin láidir,
sibhse a phríosúnacha an dóthchuis, ea-
dhon a niugh fhoillsighim go ndíolsa mé
dúbalta ribh.
13 A nuáir do chláon mé Júdah dhamh
féin, do líon mé an bogha air Ephraim,
agus do thoig mé súas do mhic, a Shion,
a naghaidh do mhacsa, a Ghréag, agus
do rinne mé thú amhuil cloidheamh
dhuine neartmhuir.
14 Agus do chifighear an Tighearna
ós a ccionn, agus rachuidh a shoighead a-
mach mar aithinne teineadh: agus séid-
fidh an Tighearna Día an stoc, agus
imeochuidh le gáothaibh guáirdeana an
túaisceirt.
15 Cuimhdeachuidh Tighearna na slógh
iad, & sluigfid siad, agus claóidhfid síad
lé clochaibh tadhbhuill, & iobhthuid, &
do dhéanuid giorac amhuil tré fhíon, &
béid líonta mar scáluibh, agus mar chor-
ruibh na haltóra.
16 Agus tárrthocha an Tighearna a
Ndía iad san ló sin, amhuil tréad a pho-
bail; [óir béid] mar chlochaibh co-
róinne, ar na ttógbháil súas mar bhra-
tuigh air a dhuthaigh.
17 Oír créd é méud a mhaitheasa &
créd é méud a sgéimhe? do chéana ar-
bhar na daóine óga súgach, agus fíon
núadh na maighdiona.

CAIB. X.

Ata Dia firinneach, toirbhbeartach, in[illegible] chuige, & ni biad na biodhail [illegible] bhréugach.

IArruidhsi air an Tighearna fearthuin
a nam na fearthanna deighionaigh,
mar sin do dhéana an Tighearna néulta
soillseach, & do bhéara sé dhóibh ceatha
fearthanna, féur do gach aon annsa mha-
chaire.
2 Oír do labhradar na hiodhail dío-
mhaóineas, & do chonncadar na fáis-
nigh bréug, & dinnsiodar aislingthe neimh-
fhírinneach; comhfhurtachtighid siad
go díomhaóin: uime sin dimthigheadar
rompa amhuil tréud, do bhádar buáidh-
eartha do bhrígh nach raibh áodhaire
ar bioth [aca].
3 Do hadhnadh mfeargsa á naghaidh
na náodhaireadh, & thug mé pionús do
na gabhruibh; óir dfiosruigh Tighearna
na slógh a thréud, tigh Iúdah, & do rinne
sé íad mar each maiseach san ccath.
4 As amach tháinic an coirnéal, as
amach tháinic an tairnge, as amach an
bogha catha, as amach a nuile fhear
sáruighthe a naóinfheachd.
5 Agus béid síad mar dhaóinibh co-
mhachtacha, noch shaltras síos [a naimh-
de] a lathuigh na sráideann annsa chath,
& troidfid síad do bhrígh go bhfuil an
Tighearna maille ríu, & náireochthar an
drong do ní marcuigheachd air eachaibh.
6 Agus nerteocha misi tigh Iúdah, &
sáorfa mé tigh Ióseph, agus do bhéara
mé liom íad da suighiudh; óir atá trua-
ghe agam dhóibh, & béid amhuil nach
tteilgfinn uáim íad: óir is *misi* an Ti-
ghearna a Ndía, & éistfidh mé íad.
7 Agus biáidh Ephraim amhuil duine
cumasach, & gáirdeachuidh a ccroidhe
amhuil budh tré fhíon; fós do chífid a
cclann é, agus béid lúathghaireach, &
gáirdeochuidh a ccroidhe annsa Tigh-
earna.
8 Do dhéana mé smééideadh orra, &
cruinneocha mé íad; óir dfúascail mé íad:
& méideochuid mar do mhéaduigheadar.
9 Agus síolchuirfe mé íad a measc an
phóbail, & cuimhneochuid orum a ttíor-
thaibh imchíana, & mairfid gan a
ccloinn, agus fillfid a rís.
10 Do bhéara mé a rís íad as crích
na Hégipte, & cruinneacha mé as a
Nassíria íad, agus do bhéara mé íad go
fearann Gilead agus Lebanon, agus [illegible]
bhfuighthear ionad dóibh.
11 Agus racha sé thríd an bhfairge [illegible]
haindeisi, agus búailfidh sè na tonna [illegible]
sa bhfairge, agus tiormochuid uile [illegible]
na srothann súas: agus béarthar [illegible]
bhar na Hassíria síos, agus rachaidh [illegible]
tslat ríogha ó Négipt.
12 Agus nerteocha misi íad annsa Ti-
ghearna, agus siubholuid síos súas [illegible]
ainm, a deir an Tighearna.

CAIB.

C A I B. XI.

[illegible]di an ath-theampuill, 3 & neimh-jonnanus
bhuachaille Chrioſd, agus bhuachaille ainti-
crioſd.

O Sguil do dhoirſi, a Lebanon,
chor go loiſgfidh an teine do
chedair.
2 Nualluigh a chrann giumhuis, óir
do thuit an cédar: do bhrìgh gur
[illegible]reachadh na cumhachduigh uile, núal-
[illegible]igh, a dhairghe Báſan: óir thainic fo-
[illegible] na fineamhna ſíos.
3 Guth núallfartuigh na náodhaireadh;
óir do milleadh a nglóir: guth buile
na leomhan óg, óir do milleadh úabhar
Jordan,
4 Is marſo a deir an Tighearna mo
Dhía, Beathuigh tréud a nármhuigh.
5 Noch ar mharbhadar a ſealbhuidhe
iad, & ſháoilid iad féin do bheith neimh-
[illegible]tach: & a deir an drong reacus
iad, Go madh beannuighthe an Tighear-
na: óir ataim ſaidhbhir; agus ni bhí
[illegible]ighe aga náodhairibh féin dóibh.
6 Óir ni bhiáidh truáighe agamſa ní
is mó dáitreabhthachaibh na tíre, a deir
an Tighearna: acht féuch, ſeachoduigh
mé na daóine gach aon fa leith a láimh
a chomharſan, agus a láimh a Rígh, &
[illegible]ilfid ſiad an tír, agus ní ſhaórfa mé
[illegible] a láimh iad.
7 Agus beathocha mé tréud a náir,
eadhon ſibhſi a bhochta an treúda: &
do ghabh mé chugam dhá bhata; do
[illegible]oir mé Sgeimh daón díobh, agus don
[illegible]ra [bata] Cuibhreach, agus do bhea-
[illegible]igh mé an tréud.
8 *Do gheárr* mé mar an ccéadna amach
[illegible]ir áodhaireadh a naoinmhí, agus do
[illegible]ráin manam riú, agus dfúathuigh a
[illegible]anamſan miſi.
9 Ann ſin a dubhairt mé, Ní bheatho-
[illegible] mé ſibh: éugadh an ní éugas, an
ní is cóir a ghearradh amach, geárrthar
amach é; agus ithidís an chuid oile gach
[illegible] díobh, feóil a chéile.
10 Agus do ghlac miſi mo bhata, ea-
dhon an Sciamh, & do gheárr mé ó
chéile é, chor go mbriſinn mo chunn-
[illegible], noch do rinne mè ris an bpobal uile.
11 Agus do briſeadh ſan ló ſin é:
[illegible] marſin do thuig boicht an tréuda
[illegible]fheith orumſa, gur bé ſin bríathar an
Tighearna.
12 Agus a dubhairt mé ríu, Madh áill
[illegible] ſin, tugaidh dhamhſa mo luach, &
[illegible] budh áill, léigidh dhó: marſin do
[illegible]thromadar ár ſon mo lúacha, trío-
[illegible] [pioſa] airgid.
13 Agus a dubhairt an Tighearna
[illegible], Teilg chum an photadóra é; lúach
[illegible] do meaſadh dhamhſa leó: & do
[illegible] mé an tríochad pioſa airgid, agus
do theilg mé chum an photadóra iad a
[illegible] an Tighearna.
14 Annſin do gheárr mé ó chéile mo
[illegible] oile, eadhon an Cuibhreach, chor
go mbriſinn a ndearbhráithreachas idir
Iúdah agus Iſrael.

15 Agus a dubhairt an Tighearna riom,
Glac chugad fós inſtrument áodhaire
amadánuigh.
16 Oír féuch, tóigfe miſi áodhaire ſúas
annſa tír, nach bhféuchfa air an lucht
atá geárrtha amach, nach mó íarrfas
ſé an tóg, nach leigheaſuigh an ní bhías
briſte, nach beathochuidh an ní ſhea-
ſann, achd íoſuigh ſé feóil na mbea-
thach méith, agus réubfa ſé a ccrúba na
mblodhuibh.
17 A mhairg dáodhaire a niodhail
fhágbhus an tréad: biáidh an cloidheamh
air a láimh, agus air a ſhúil dheis: tior-
mochuidh a lámh uile ſúas, & dallſhuigh-
ear a ſhúil dheas thríd amach.

C A I B. XII.

Búadhuighidh Eagluis Dé ar an uile ní do
thriall ar a ſárughadh.

UAlach bhreithre an Tighearna do
Iſrael; A deir an Tighearna, noch
ſhíneas na flaithis amach, agus ſhuighios
bunáit na talmhan, & chumas ſpiorad
an duine ann a ſtigh.
2 Féuch, do dhéana mé cupán meiſge
do Jeruſalem don phobal uile timchioll
fa ccuáirt, a nuáir bhéid ſiad annſa
champa araon a naghaidh Júdah, agus a
naghaidh Ieruſalem.
3 Agus annſa ló ſin do dhéana mé Ie-
ruſalem na cloich anúaluigh do nuile pho-
bal: géarrfuighear na ccodchaibh gach a
núaluighionn iad féin leis, biodh go
ccruinneochaidis daóine na talmhan a
ccionn a chéile na haghaidh.
4 Annſa ló ſin, a deir an Tighearna,
buáilfidh me a nuile each lé hanbfhainne,
agus a marcach lé buile, agus oilſceoluidh
mé mo ſhúile air thigh Iúdah, agus
buáilfe mé each gach aóin do na daói-
nibh, lé daille.
5 Agus a déaruid úachtaráin Iúdah
iona ccroidhe, Budh iad dúthchuſaigh
Ieruſalem mo neartſa a Ttighearna na
ſlógh a Ndia.
6 Annſa ló ſin do dhéana mé uachta-
rán Iúdah coſmhuil re teallach na tei-
neadh a meaſc an chonnaidh, & amhuil
tóirſi teineadh a bpunnainn, & loiſcfidh
na daóine uile timchioll fa ccuáirt air an
láimh dheis, & air an láimh chlé, agus
áiteochtar Ieruſalem a ris iona háit féin,
eadhon ann Ieruſalem.
7 Sáorfuidh an Tighearna fós lóiſlí-
nigh Iúdah ar ttús, iondus nach móradh
glóir thighe Dháibhi, nó glóir áitreabh-
thach Ieruſalem, iad féin a naghaidh
Iúdah.
8 Annſa lóſin cuimhdeochuidh an Ti-
ghearna áitreabhthuigh Ieruſalem, agus
biáidh an té bhías lag iona meaſc an lá
ſin mar Dháibhi, agus biáidh tigh Dhái-
bhi mar Dhía, amhuil aingeal an Ti-
ghearna rompa.
9 Agus tiucfaidh a ccrich annſa ló ſin,
go ttriallſa miſi a nuile chineadh a
ſcrios, noch thig a naghaidh Ieruſalem.

10 Agus dóirtfidh mé air thigh Dhái-
bhi & ar âitreabhthachaibh Ierusalem
spiorad na ngrás, agus na neadar-
ghuidheadh, & féuchfuid orumsa noch do
tholladar, agus caóidhfid air a shonsan,
mar chaóidhios duine ar son a aoin-
mhic, agus béid siad a ndoilghios air a
shon amhuil mar bhíos duine a ndoil-
ghios ar son a chéidghine.
11 Annsa ló sin biáidh cumha mhór
ann Ierusalem, amhuil cumha Hadadrim-
mon a ngleann Mhegiddon.
12 Agus caóidhfidh an tír, gach áon
mhuintir ar leith, muintir thighe Dhái-
bhi ar leith, agus a mná ar leith: muin-
tir thighe Natan ar leith, agus a mná
ar leith:
13 Muintir thighe Lebhi ar leith, agus
a mná ar leith: muintir Shimei ar
leith, agus a mná ar leith.
14 Na huile mhuinteara dá maireann,
gach áon mhuintir ar leith, agus a mná
ar leith.

C A I B. XIII.

Is é páis lúach mhoir Chriosd is tobar glanta da dhaóinibh.

ANNsa lo sin oisceoltar tobar do
thigh Dháibhi, agus dáitreabhtha-
chaibh Ierusalem ar son peacaidh, agus
ar son neamhghloine.
2 Agus tiucfuidh a ccrich annsa lósin,
a deir Tighearna na slógh, go ngéarrfa
mé anmanna na niodhal as an dtalamh
agus ní chuimhneochtar ní is mó íad,
agus fós do bhéara mé air na fáighibh,
agus air na spioraduibh neamhghlana
imtheacht amach as an ttír.
3 Agus tiucfáidh a ccrich, an tan do
dhéana duine ar bioth fáigheadoireachd,
ann sin a déara a athair & a mhathair
do ghin é, ris, Ní mairfidh tú; óir la-
bhra tú bréaga a nainm an Tighearna:
& sáithfidh a athair & a mhathair do
ghin é, thrid, a nuair thairghirios sé.
4 Agus tiucfuidh a ccrich annsa lósin,
go mbiáidh náire air na fáighibh gach
uile dhuine aca tré na fhis, an tan thair-
ghirios sé: ní mó chuirfid umpa culadha
garbha do dhéanamh mealltóireachda.
5 Acht a déara sé, Ní fáigh ar bioth
misi, treabhairtheach mé: óir do mhúin
duine dhamh áirnéis do choimhéad as
moige.
6 Agus a déara áon ris, Cred na
cneadhasa ann do lámhuibh? annsin
freigeora seision, Na neithe lé ar loiteadh
mé a ttigh mo charad.
7 Múscail, a chloidhimh, a nadhuigh
maodhaire, & anaghaidh an duine ar bé
mo chompanach, a deir Tighearna na
slógh: Buáil an táodhaire, agus scán-
ruigh na caóirigh: agus fillfe mé mo
lámh air na húanuibh beaga.
8 Agus tiucfaidh a ccrich annsa talamh
uile, a deir an Tighearna, go ngeárrfui-
ghear amach dhá chuid, & go néagsuid,
acht fúigfighear trian ann.
9 Agus do bhéara mé an treas cuid
thrid an tteine, agus athghlanfa mé
íad, mar athghlantar an tairgiod, agus
dearbhocha mé íad mar dhearbhthar an
tór; goirfid siad ar mainm, agus
éistfidh mé riú: déara mé, Is íadsa mo
phobal; a déaruid siadsan, Isé an Ti-
ghearna mo Dhia,

C A I B. XIV.

*Scriosfaidh Dia lucht scriosta Jerusalem;
16 ach faorfuidh sé fuighioll do na
cineadhachaibh.*

FFuch, atá lá an Tighearna ag
teacht, agus roinnfighear héadail
a stigh ann do lár.
2 Oir cruinneocha misi na huile chinea-
dhacha a naghaidh Jerusalem chum ca-
tha, & géabhthar an chathair, & sladfai-
ghear na tighthe, & béid na mná éig-
nighthe, agus rachaidh leath na caith-
reach a mbroid, & ni geárrfuighear an
chuid oile don phobal ón ccathruigh.
3 Annsin rachus an Tighearna amach,
agus troidfidh sé a naghaidh na ccinea-
dhachso, amhuil do throid sé a ló an
chatha.
4 Agus seasfuid a chosa annsa lósin
ar shliabh na noluigheadh, noch atá ar
coinne Jerusalem san noirthear, agus
scoiltfidh sliabh na noluigheadh iona lár
don leath shoir, agus don leath shiar, na
ghleann romhór; agus áthrochuid leath
an tsléibhe don táoibh ó thuaigh, agus a
leath oile don taoibh ó dheas.
5 Agus teithfidh sibhsi go gleann na
sliabh; oir roitheochuidh gleann na sliabh
go Hasal: a Seadh fós, teithfidhe amhuil
mar do theitheamhair roimhe an ccrioth
ttalmhan, a laéthibh Ussiah Righ Júdah:
agus tiucfuidh an Tighearna mo Dhia,
agus na naóimh uile leachd.
6 Agus tiucfuidh a ccrich annsa
ló sin, nach biáidh an solus glan, nó
dorcha.
7 Acht biáidh na aon lá, a mbiáidh
a fhios ag an Ttighearna, nach ló, nó
oidhche: acht tiucfuidh a ccrich tráth-
nóna go mbia solus.
8 Agus biáidh annsa ló sin go ra-
chaid uisceadha beódha amach as Ierusa-
lem: leath dhíobh gus an bhfairge shoir,
agus leath dhíobh gus an bhfairge shiar:
biáidh se annsa tsamhradh agus annsa
ngeimhreadh,
9 Agus biáidh an Tighearna na Righ
ós an ttalamh uile: annsa ló sin bhias
aoin Tighearna amháin, agus budh áon
a ainm.
10 Iompochthar an fearann uile amh-
uil réiteach ó Ghéba go Rimmon, budh
dheas ó Ierusalem: & tóigfighear suas
í, agus áiteochthar iona háit: ó gheata
Bhenjamin go háit an chéid gheata go
geata an chornéil, agus ó thor Hananeel
go fíon-umar brúighthe an Rígh.
11 Agus áitreochuid daóine inte,
agus ní bhiáidh scrios ni sa mhó thríd
amach:

amach : acht áiteochthar Ierusalem,
go socair.
12 Agus budh í so an phláigh le a
mbuailfidh an Tighearna na daóine uile
do throid a naghaidh Ierusalem :
cnaoidhfidh a bhfeoil díobh an feadh
sheasfuid air a ccosaibh, agus leaghfuid
a súile uatha iona bpollaibh, agus
cnáoidhfighear a tteanga iona mbéul.
13 Agus tiucfa a ccrich annsa ló sin
go mbiáidh buaidhreadh mór ón Ttigh-
earna iona measc, agus glacfuidh gach
aon díobh greim do láimh a chomhar-
san, agus éireochuidh a lámh súas a
naghaidh a chomharsan.
14 Agus troidfidh Iúdah fós ag
Ierusalem, agus cruinneochthar uile
mhaóin na ngeinteadh timchioll sa
ccuáirt a ccionn a chéile, ór, & airgiod,
agus éadach, a niomadamhlachd mhoir.
15 Agus is marsin bhías pláigh a
neich, an mhuille, an chámhuil, agus a
nassail, agus na nuile bheathach bhías
annsna lóistínibhse, mar an bpláighsi.
16 Agus tiucfa a ccrich go rachaidh
a *nuile dhuine* súas do ságbhadh do
na *cineadhachaibh* tháinic a naghaidh
Ierusalem, eadhon ô bhliádhuin go
bliadhuin dadhradh an Rígh, Tighearna
na slógh, agus do choimhéad féustadh
na ttabernacul.
17 Agus is amhluidh bhías, gidh bé
nach ttiucfa marsin súas duile mhuin-
teara na talmhan go Hierusalem dadh-
radh an Rígh Tighearna na slógh,
orra sin ní bhiáidh fearthuinn ar bioth.
18 Agus muna ndeachuid muintir
na Hégipte súas, agus nach ttiucfuid,
air nach bí [fearthuinn :] biáidh an
phláigh annsin, lé a mbuáilfidh an
Tighearna na geinte, nach ttainic súas
do choimhéad féasta na ttabernacul.
19 Budh é so pionús na Hégipte, agus
pionús na nuile chineadhach, nach
ttiucfa súas do choimhéad féusta na
ttabernacul.
20 Annsa ló sin biáidh air shrianuibh
na neach, NAOMHTHACHT DON
TIGHEARNA, & béid pótadha thighe
an Tighearna amhuil na scáladha as
coinne na haltóra.
21 Fós biáidh a nuile phota ann Ie-
rusalem agus ann Iúdah na náomhthacht
do Thighearna na slógh : tiucfaidh a
nuile dhrong íodhbras, agus glacfuid
díobh, agus bruithfid ionnta ; annsa ló
sin ní bhiáidh Canaaníteach ní is mó
a ttigh Thighearna na slógh.

MALACHI.

CAIB. I.

Peacadh mol-nadurdha Israel anaghaidh Dhia, 7 & a ntruaillidheacht urchoid-each a ttaobh an teampuill.

UAlach bhreithre an Ti-
ghearna do Israel, tré
Mhalachi.
2 Do ghrádhuigh mé
sibh, a deir an Tighear-
na : gidheadh a dear-
thaói, Ciodh ionar ghrádhuigh tú sinn?
nach ar bhé Esau dearbhrathair Jácob?
a deir an Tighearna : gidheadh do
ghrádhuigh misi Jácob,
3 Agus do fhúathuigh mé Esau, agus
dfág mé a shléibhte, agus a oighreacht
na bhfásach do dhragunuibh a nfásaigh.
4 An tionad a nabair Edom, Do
bochtuigheadh sinn, acht fillfiom agus
cuirfiom na háite fáis súas : is marso
a deir Tighearna na slógh, Cuirfid siad
súas, acht teilgfidh misi síos ; agus
goirfid siad díobh, Teorann na hur-
chóide, agus na daóine a naghaidh a
bhfuil dioghaltas an Tighearna a comh-
nuighe.
5 Agus do chifid bhur súile agus a
déarthaói ; Mórochthar an Tighearna
ó theóruinn Israel.
6 Onóruigh mac a athair, agus onór-
uigh serbhíseach a mhaighistir : maileadh
más athair misi, caidhe monóir? agus
más maighistir mé, caidhe meagla? a
deir Tighearna na slógh ribhsi, a sha-
garta, dhímeasas mainm, agus a dear-
thaói, Cred ionar dhisbeagamairne
hainm?
7 Iodhbarthaói arán truaillighthe
air maltóir, agus a dearthaói, Cred
ionar thruáilleamar thú? ann so go
nabarthaoi, Is tarcuisneach bórd an
Tighearna.
8 Agus má ofralthaói an ní dall
mar íodhbairt, a né nach olc sin? agus
má ofralthaói ní bacach no easlán, a né
nach olc sin? ofrál a nois é dot uách-
tarán, an mbiáidh sé réidh riot, nó an
nglacfa sé do phearsa, a deir Tigh-
earna na slógh?
9 Anois iarruim dathchuinge oruibh,
guidhidh Dia, iondus go mbia sé grá-
samhuil dúinn : is dá bhur ttáoibhsi
thainicso : an mbiáidh suim aige ann
bhur bpearsannuibh? a deir Tighearna
na slógh.
10 Cia atá bhur measc do dhruidfeadh
na doirsi, agus nach lastaói teine air
maltóirse gan adhbbar? ní bhfuil tait-
neamh ar bioth agum ionnuibh, a deir
Tighearna na slógh, ní mò ghéabhus
mé ofráil as bhur láimh.
11 Oir ó éirghe gréine eadhon go dul
síos an cceadna, biáidh mainm mór a
measc na ngeinteadh, agus ofralfuighear
túis dom ainm ann gach uile áit, agus
ofráil fhiorghlan : óir budh mór mainm
a measc na ngeinteadh, a deir Tigh-
earna na slógh.

12 Acht do rinneabhairſe truáillighthe é, a náit a nabarthaói; Is truáillighthe bórd an Tighearna agus a thoradh, eadhon is tarcuiſneach a bhiádh.

13 A dubhrabhair fós, Féuch, an ſáothar, agus do ſhéideabhair uáibh é, a deir Tighearna na ſlógh: agus thugabhair libh an ni do bhí réubtha agus an teaſlán; marſo thugabhair ofráil libh: an ngéabhuinnſi ſo as bhur lámhuibh? a deir an Tighearna.

14 Acht go madh malluigh bhías an mealltóir, agá bhfuil firionnach iona thréud, agus mhóideas agus íodhbras don Tighearna ni truáillighthe: óir is Rígh mór miſi, a deir Tighearna na ſlógh, agus is báoghlach mainm a measc na ngeinteadh.

C A I B. II.

Iom aithbſir na nſagart, 11 *& an phobaill.*

AGus anois, a ſhagarta, is díbhſi atá a náithneſe.

2 Muna neiſtighe, agus muna ccurthaói ann bhur ccroidhe é, do thabhairt glóire dom ainmſe, a deir Tighearna na ſlógh; cuirfe miſi go deimhin mallughadh oruibh, agus mailleocha mé bhur mbeannughadh: fós do mhalluigh mé cheana íad, do bhrígh nach ccurthaoi ann bhur ccroidhe é.

3 Féuch, truaillſidh mé bhur ſíol, agus leathnocha mé aóileach air bhur naighthibh, eadhon aoileach bhur bhféuſtagh ſollamonta, agus do bhéara ſin leis ſibh maille ris.

4 Agus aitheontaói gur chuir miſi an náithneſi chugaibh, chor go mbíath mo chunnradh le Lébhi, a deir Tighearna na ſlógh.

5 Do bhí mo chunradh ris ar ſháoghal agus air ſhíothchain, agus thug mé dhó iad ar ſon na heagla lé raibh eagla aige romham, agus do bhí eagla air roimhe mainm.

6 Do bhí dligheadh na fírinne iona bhéul, agus níor frith éicceart iona phuiſínibh: do ſhiubhuil ſé liomſa a ſíothchain agus a cceart, agus dfill mórán leis ó éaicceart.

7 Oir do budh cóir do phuiſínibh an tſagairt eólus do choimhéad, agus do budh cóir dhoibhſion dligheadh diarruigh as a bhéul: óir iſé ſin teachtaire Thighearna na ſlógh.

8 Acht do chúabhairſi as a tſlighe; thugabhair air mhórán tuiſleadh ar an ndligheadh: do bhriſeabhair cunradh Lébhi, a deir Tighearna na ſlógh.

9 Uime ſin fós do rinne mé ſibhſi tarcuiſneach, agus dímeaſta as coinne a nuile phobal, do réir mar nár choimhéadabhair mo ſhlighthe, acht go rabhabhair leathrannach annſa dligheadh.

10 Nach áonathair atá aguinn uile? nach aóin Día do chruthaigh ſinn? cred fá ndéanmaóid go feallṫach, gach nduine a naghaidh a dhearbhbrathar, ag truáilleadh cunnartha ar naithreadh.

11 Do rinne Júdah go feallṫach, agus do rinneadh gráineamhlacht ann Iſrael, & ann Jeruſalem: óir do dhíomhaóinigh Júdah náomhthacht an Tighearna, noch do ghrádhuigh ſé, agus do phós ſé inghean dé choimthighidh.

12 Geárrſa an Tighearna amach an duine do *ní* ſo, an maighiſtir agus an ſcoláir amach as tabernacluibh Iácob, agus an té thairgios ofráil do Thighearna na ſlógh.

13 Agus do rinneabhair ſo a rís ag folach altóra an Tighearna lé deóruibh, lé gul, agus lé héighiomh árd, iondus nach bhfuil ſuim aige annſa nofráil ní as mó, nó a glacadh lé toil mhaith as bhur laimhſi.

14 Thairisſin a dearthaói, Cred uime? do bhrígh go raibh an Tighearn díaḋhnuiſi eadrad agus bean hóige, a naghaidh a ndéarna tuſa go míochoinghiollach; gidheadh is iſi do chompánach agus bean do chunnartha.

15 Agus nach deárna ſeiſion áon? gidheadh do bhí ſuighioll don ſpiorad aige: agus cred uime áon? as a niarrfadh ſé ſíolta náomhtha? uimeſin tabhair aire dot ſpioraid, agus ná déanadh duine ar bhioth go feallṫach a naghaidh mná a óige.

16 Oir a deir an Tighearna Día Iſrael, gur fuáth leis cur air ſiubhal: óir foluighidh aon, foiréigion lé na éadach, a deir Tighearna na ſlógh: uime ſin tugaidh aire dá bhur ſpioraid, iondus nach déantaói go míochoinghiollach.

17 Do choireabhair an Tighearna lé bhur mbríathruibh: thairis ſin a dearthaói; Ciodh lé ar chuireamar é? an tan a dearthaói, A nuile dhuine dá ndéan olc, is maith é a radharc an Tighearna, agus do bhí dúil aige ionta; nó, Cáit a bhfuil Día an bhreitheamhnuis?

C A I B. III.

Teachtaire, teacht, & dearſgnaidheachd Chrioſd; 7 le ceannairge, mi-chreideamh, & ſladmhoireachd na ndaoine, ar Dhia.

FEuch, cuirfidh mé mo theachtaire, agus uillmheocha ſé an tſlighe romham, agus tiucfa an Tighearna, noch íarthaói, go hobann da theampall: eadhon teachtaire an chunnartha iona bhfuil bhur ndúil: Féuch tiucfa ſé, a deir Tighearna na ſlógh.

2 Acht cía fhéadas lá a theachta dfulang: agus cía ſheasfas an tan thaisbeanfas ſé é féin? óir is coſmhuil é re teine an cheárda, agus re Sóp fhir ghealta éaduigh.

3 Agus ſuighfidh ſé amhuil ceárd, agus glantóir airgid, agus glanfa ſé mic Lébhi, agus ſciúrfa ſé iad amhuil ór

agus

agus airgiod, chor go nofráluid don Tighearna ofráil a bhfíreántachd.

4 Annſin biáidh ofrala Júdah agus Jeruſalem taitneamhach aig an Tighearna mar annſna láethibh a nallód, agus amhuil annſna bliadhnuibh roimhe.

5 Agus tiucfa mé láimh ribh chum breitheamhnuis,& biáidh mé am fhiadhnuiſi luaith a naghaidh na bpiſeógach, agus a naghaidh na nadhaltrannach, agus a naghaidh na néitheach, agus a naghaidh mheallta ch na ſeirbhíſeach iona dtúaruſdal, na baintreabhthuighe, agus an dilleachda, agus iompoighios do leath taoibh an coimhthigheach, agus nach eagluidhionn romhamſa, a deir Tighearna na ſlógh.

6 Oir is miſi an Tighearna, ní áthruighim: uimeſin a mhaca Jácob, ní bhfuiltiſe ſcrioſta.

7 Eadhon ò láethibh bhur naithreadh do imthigheabhair óm órduighthibhſi, agus níor chumhduigheabhair íad; fillidhſi chugamſa, agus filifidh miſi chugaibhſi, a deir Tighearna na ſlógh: acht a dubhrabhairſi, Cred iona bhfillſiom ?

8 An ſladſa duine Día? gidheadh do ſhladabhairſi miſi; acht a deartháoi, Cred ionar ſhladamar thú? a ndeachmhadhuibh, agus a nofraluibh.

9 Atáthaoí malluighthe le mallacht: óir do ſhladabhair miſi, éadhon an cineadhſo uile.

10 Tugaidh an deachmhadh uile go tigh a nionnmhuis, le mbí biádh ann mo thighſe, agus dearbhuidh a nois le ſo mé, a deir Tighearna na ſlógh, muna noſcla mé fuinneóga neimhe dhibh, & beannughadh do dhórtughadh chugaibh amach, iondus nach bia áit go lór.

11 Agus imaithbheorad an millteach ar bhur ſonſa, agur ní mhillfidh ſé toradh bhur ttalmhan, ní mó theilgfeas bhur bhfíneamhain a toradh roimhe a nam ſan machaire, a deir Tighearna na ſlogh.

12 Agus goirfid na huile chineadhacha beannuigh dhibh: óir béithi bhur ttalamh thaitneamhach, a deir Tighearna na ſlógh.

13 Do bhádar bhur mbriathra borb am aghaidhſe, a deir an Tighearna: gidheadh a dearthaoiſe, Cred do labhramar ad aghaidh ?

14 A dubhrabhair, Is ní díomhaóin foghnamh do Dhia: agus cread a tharbha gur choimhéadamar a órdughadh, agus gur ſhiubhluigheamar go dobrónach a lathair Thighearna na ſlógh?

15 Agus a nois goirmid [neach] ſona don núaibhreach: aſeadh, atá an lucht oibrighios urchóid ar na ccur ſúas; fós atá an lucht chuirios cathughadh ar Dhia, atáid cheana ar na ſaóradh.

16 Annſin do labhair an drong do imeagluidh an Tighearna, gach áon diobh ré chéile go minic, agus déiſd an Tighearna, agus do chúaluidh, agus do bhí leabhar cuimhne ſcríobhtha iona fhiaghnuiſe, don mhuintir do imeagluigh an Tighearna agus do ſmúain air a ainm.

17 Agus budh liomſa íad, a deir Tighearna na ſlógh, annſa ló a ndéana mé mo ſhéada ſúas, agus coigealuidh mé íad mar choigleas duine a mhac féin, noch fhoghnas dó.

18 Annſin iompochthaói agus edirdheileochthaói idir an bhfíréun agus an ciontach, idir an té fhoghnas do Dhia, agus an té nach bhfoghnann dó.

CAIB. IV.

Breithe dheighionnach Dè ar mhaith, & ar ſhaith.

OIR féuch, tiucfa an lá loiſcfios amhuil bacús, agus na huaibhrigh uile, fos a nuile dhuine do ní urchóid, béid na cconnlach, agus loiſcfidh an lá thiucfas, íad ſúas, a deir Tighearna na ſlógh, iondus nach bhfagfa fréumh, nó beangán díobh.

2 Acht dibhſe air a bhfuil eagla manmaſa, éireochuidh grían a nionracuis maille ré leighios iona ſciathánuibh, agus rachfuidh ſé amach, agus fásfuidh ſúas mar ghamhnuibh an ſtalla.

3 Agus ſailteorthaói ſíos na ciontaigh: óir béid na luáithreadh ſíoi bhonnaibh bhur ccos, annſa ló a ndéana miſi ſo, a deir Tighearna na ſlógh.

4 Cuimhnighidhſi dligheadh Mhaóiſe mo ſheirbhíſeach, noch do áithin mé dhó ann Hóreb arſon Iſrael uile, maille re reachtaibh, agus maille re breathaibh.

5 Féuch, cuirfe mé Elijah an fáigh chugaibh, ſuil thiucfas lá mór baoghlach an Tighearna.

6 Agus iompocha ſé croidhe na naithreadh chum na cloinne, agus croidhe na cloinne chum a naithreadh, deagla go ttiucfuinnſi, agus go mbuáilfinn an talamh lé mallughadh.

F I N I D.

Clàr OIFIGE, & CHAILIDHEACHTA daòine.

PATRIARCA, no *Aithre-Muintire, mar do bhí* Abraham, Isaac, Iacob agus a 12 Mhic.

Breitheambuin, Ard-uachtaráin aimsiorrdha, órduighte re béul Dé osciona chloinn Israel.

Righthe, do nrigheachd uile, (nó déis cláonadh nan 10 Treabha,) ar Iúdah, no Israel.

Seanoire, comhairligh na Hard-chomhdhala, an 70 Sean, no Sanhedrin.

Oifigigh, Cinn Caithreacha, Siorraim, Lucht básuighte.

Breitheambuin oile, Riaghloirigh íochtracha, do réidhigheadh imreasna na mBailte ar leith.

Cheretitigh agus *Peletitigh*, Soighdiuri, Garda an Rígh, agá raibh airm eugsamhla, agus sealan fritheoilte fa seach. Isiad do chuireadh lucht coire gu minic chum báis. Iuduighe iad, do chomhnuigh uair éigin a measc na Bfilistineach; nó do bhuadhaigh orra. Feuch 1. Sham. 30. 14. 2. Sam. 8. 18, Seph. 2. 4, 5. 2 Sam. 15. 18.

Israelitigh, Eabhruighe do ghineadh ó Iacob.

Eabbruidh na nEabbruigheach, Israeliteach ó shinnsiorachd, do thaoibh athar agus mathar.

Proselitigh an chunradh, Eachtrannaigh timchill-ghearrtha, agus ceangailte re Reachd Mhaoise uile.

Proseliteach an Dorais, coigridh, dadhair an aoin-Dia, ach gan bheith timchill-ghearrta.

Oifigigh fò Mhonarcachaibh Assiria agus Phersia.

Tirshatha, uachtarán orduighte leis na Ríghthibh sin.

Cinn an Bhraighdionnais, cinn-fheaghna gach Treabh, nó muinntire; do riaghluigh orra, gan a ntogha, re am na bruid.

Oifigigh uachtarach, Faòi Monarcaibh na Gréige.

Maccabéigh, Uachtarain tháinic a nlorg Iúdas Mhaccabeus; Ard-shagairt, ag a raibh cumhacht ríoghamhail.

Faòi na Nimpiri Romhanach.

Presidentigh, no Riaghloirigh, do cuireadh ón Róimh iad le cumhacht an Impire.

Tetrarc, ag a raibh cumas Rí ar 4 Chúigibh fearainn.

Proconsul, Biocair no Deapoid na ccúigeadh.

Oifigigh iochtarach.

Puiblicanigh, no lucht togbhail chiosa agus chánachuis.

Centurio, Caiftin ar chéd fear.

Legion, Banna, nó 6666. pearsa.

Oifigigh na Heaglaise, agus sligheacha Cràbhoidh.

Ard shagairt, reachadh amhain asteach do nionad ro naomhtha.

Ath-shagart, no sagan, fear ionaid an ard-shagairt dá mbiadh éuccruas air.

Priomh shagairt arson an chogaidh, do fheithmheadh ar an tslúagh.

Sagairt, Lebhitigh do shliocht Aaróin, roinnte an 24 Sealanaibh, gach cúrsa ag fritheoladh seachtmhuin san Teampuill.

Lebhitigh, do Threibh Lebhi, ach ní do shíol Aaroin; do bhadar 3 áird dhíobh, Tigh Gherson, Chohath, Mherari, triur mhac Lebhi.

Netinimigh, nír budh Lebhitigh iad, ach lucht fritheoilte na nsagart agus na nLebhiteach, a ngearradh connadh agus a ntarraing uisce.

Faigh, no Feuchadoire an allód, lucht tairrghire, agus foillsiughadh bhreitheamhnussa Dé.

Clann na bfágha, Disciobuil no Scolaire na bfágh.

Draoithe, daóine glic, ainm Magi nó Fheallsamhna foghlumtha chineadhach an áird shoir.

Scriobuighe, Scriobhnóirigh, agus luchd míniughadh an Dlighe.

Diosbóirighe, do thóg agus chríochnuigh ceastanna as an Reacht.

Chemariteach Seph. 1. 4. Seirbhisigh no Doirseóirighe theampuill Bhaal (no Mholech, no Mhalcam: ar tard-iodhal do shaóileadar a bheith na cheann ar dhéeibh oile, agus ar dhaóinibh.) Do bhadar a cculadhaibh dhorcha; nó dúbhneoill, tré dheatach na túise.

Rabbi, Doctuir no Ceann-Teagaisc a Nisrael, Bollsaire, Seanmontuigh.

Libertinigh, Daóine saor na Róimhe, juduighe, no lucht tathuighe an creideamh aga raibh cill dhoibh fein chum cruinniughadh agus urnuighe.

Gaulonitigh no Galileanuigh, do mheas umhlachd duachtaran aincreidmheach, a bheith aindligheach.

Herodiani, do Dheilbh a ncreideamh reir na haimsir, gu hairigh ag deanamh spleadhachus re Hioruaith.

Epicuréanuigh, do chuir a nsonas uile a láimh agus ar macnus na Colla.

Stoicigh, do shéun toil shaor an duine, agus mheas gach ní do bhí a ndán re teacht, le héigin neamh-áthruighte.

Sagar

Siomon an draói, Ceann ar Biriceacht na Ngnosticeagh, noch do theaguisc go saoradh an deagh Thuigse daoine, ge gu biodh ar dhrochghniomh.

Nicolaitanigh, Disciobuil Nicolas, aon do na 7 Deachanaibh, do theaguisc coitcheanus bhan.

Nasarénigh, Iuduighe ag admhail an chreideamh Chriosduighe.

Nasaritigh, daoine aireach, geanmnaidh, nach olfa deochanna meisceamhail: ceangailte fá mhóid chrabhaidh re seal, no re mbeathaidh. Uibhr. 6. 2. 3.

Selotes, Sladmhoire fuilteacha, do mheas (fá leithsgeul an Dlighe) go raibh áit aca ar mhi-ghniomh ar bith do dheanamh.

Parisinigh, daoine sgartha ó 'chách' thaoibh moir-mheas ar an crabhaibh fein, agus dímeas ar an uiligh oile.

Sadducéigh, do shéun an Eiseirghe ó mharbhuibh, aingil agus Spioraid.

Samaritanigh, lucht admhail bhreacchreideamh mhiscnighte, cuid Juduighe, cuid Geintligh, Síol na Nassirianach do chuireadh a Samaria.

Easbuil, Teachdairigh, do cuireadh ó ar Slanaightheora le glan-teagasc ar feadh an domhain: do bhadar a 12.

Easbuig, na daoine tháinic háithle na Nabsdal, ag riaghladh agus ag Teagasc na Heagluise.

Deachanna, oifigigh toghta leis na Heasbuilibh do ghabhail cúram na mbocht.

Clàr chineadh agus chleamhnuis; lîon dâ bhfuil pòsadh toirmiscthe eatorra, Tré Fhocal De agus reachd na Righeachta.

Ni bèidir le duine iad so do phòsadh.

1 A Shean-mhathar.
2 Bean Seanathair.
3 Sean-mhathair a mhná.
4 Siúr-athar.
5 Siúr-mathar.
6 Bean bhrathar athar.
7 Bean bhrathar mathar.
8 Siúr athar a mhná.
9 Siúr mathar a mhná.
10 Mathar.
11 Leas mhathar, no bean a Atha
12 Mathair a mhná.
13 Inghean.
14 Inghean a mhná.
15 Bean mic.
16 Siúr.
17 Siúr a mhná.
18 Bean a dhearbhrathar.
19 Inghean a mhic.
20 Inghean a inghin.
21 Bean mic a mhic.
22 Bean mic a inghin.
23 Inghean mic a mhná.
24 Inghean inghin a mhná.
25 Inghean Brathar.
26 Inghean dheirbhshiúr.
27 Bean mic a bhrathar.
28 Bean mic a dheirbhshiúr.
29 Inghean Brathar a mhnà.
30 Inghean deirbhshiúr a mhná.

Nì bèidir lè mnaòi iad so do phòsadh.

1 A Seanathair.
2 Fear a sean-mhathar.
3 Seanathair a fir.
4 Brathair athar.
5 Brathair mathar.
6 Fear dheirbhshiúr a hathar.
7 Fear dheirbhshiúr a mathar.
8 Brathair athar a fir.
9 Brathair mathar a fir.
10 Athair.
11 Oide, no céile a mathar.
12 Athair a fir.
13 Mac a firs
14 Mac a fir.
15 Fear a hinghinne.
16 Brathair.
17 Brathair a fir.
18 Fear a deirbhshiúr.
19 Mac a mic.
20 Mac a hingin.
21 Fear inghin a mic.
22 Fear inghean a hinghin.
23 Mac mic a fir.
24 Mac inghin a fir.
25 Mac Brathar.
26 Mac dheirbhsheathar.
27 Fear inghin a brathar.
28 Fear inghin a hinghinne.
29 Mac brathar a fir.
30 Mac dheirbhsheathar a fir.

Clàr na Ntomhas agus na Miosúr ainmnighte sa Nscrioptuir.

Miosùir an choimhshìneadh.

Léud róinne an 48 cuid d'orodlach.
Meâr, beagan ní is lugha na ordlach.
Leithead na baise, 3 ordlaigh.
Réise, 9 ordlaigh.
Troigh, 12 ordlaigh.
Cubaid, no Bann-lámh, troigh go leath.
Cubaid naomhtha, Slat athghairid.
Cubaid an Righ, troigh agus 9 ordlaigh.
Slat-giolcaidh, 6 cubhaid agus léud bais.
Céim, no sinteac, 5 troighthe.
Sdáid, 125 coiscéime, an 8 cuid do mhile.
Mile, 1000 coiscéime.
Astar lá Sabbaide, 600 coisceime; deir cuid oile, 2 mhíle.

Miosûir na congmhala, do neithibh tirim.

Cab, Seapan Albnach.
Omer, Seapan, agus muiscín go leath.
Miosur, no Seah, 3 píonda, satum, pec & leath-chupan: corus, 30 modii, 24 pec Alb. no 12 phec, mar a deir cuid oile.
Buiseal, ni sa lugha no peic. Buisel Shasg. 3 peice Alb.

Leath

Leath Homer, nó lethec, 7 Buiſéil agus Seapan.

Homer nò Cor, 14 Buiſeil agus píond.

Mioſuir na Lionradh.

Log, leath-bhotach Alb.

Pota no Sextarius, muiſcin go leath, no 24 unſa.

Mioſur no chœnix, Sepan.

Hin, píond agus Seapan.

Fircin, 9 pionda.

Bat, 2 ghallon trí píonda agus Seapan.

Tombas na coombchothrom croichte.

Cudrum Secel, ceathramh an únnſa.

Secel na Sanctora, leath únnſa.

Tallan, 62 pund.

Eire Múille, 200 púnd.

Clár an Airgid.

Píos bheag, minutum æreolum, quadrans,teruncius; attimchioll phighin Alb. *Mite*, ſa bhéerla Shaſg.

Feóirlin, aſſarium, umha cúinnte, 9 pighinn Alb.

Gerah, 18 pighinn Alb.

Móir-phighinn, denarium, drachma, 7 ſceall. 6 pighinn Alb.

Cíoſchán, Secel, didrachma, 15 ſcill. Alb.

Píos airgid, ſtater, ſecel na Sanctora, leith unſa, no 30 ſcill. Alb:

Móir-phíos Airgid, Mina, μνᾶ 12 unſa go leith, no 3 puind 2 ſcill. 6 pighinn Shaſgn. A deir drong 2 phúind Shaſg. drong oile, 100 moir-phighinne.

Tallann, 750 unſa airgid, iodhoin 187 púnd, 10 ſceall. Saſgan.

Cúinne óir.

Secel óir, pìos, adarcon, darius, dram óir, 15 ſcill. Saſg.

Púnd óir, 75 púnd Saſg.

Tallann óir, 2250 púnd Saſg.

Clàr na Haimſire: iona bhfuil tùs Bliadhna na Neabhruidheach [a ngnothuighibh ſàoghalta] ag tionnſcnamh um an 12 lò don Mhàrt; Exod. 12. 2. [A nccùiſibh naomhtha] attimchioll an 12 lò don tſeachtmha mì; Exod. 23. 16. Gach aon mhìos Eabhruidhe ag gabhail bloidh do dhà mhì dar mìoſaibhne, mar ſo ſìos.

1 Abib nó Niſan.	1 Márt, Diblin.
2 Zif nó Iiar.	2 Diblin, Mái.
3 Siran.	3 Mái, Iuin.
4 Thamus.	4 Iuin, Iuli.
5 Ab	5 Iuli, Oguſt.
6 Elul	6 Oguſt, Seachtmha mí.
7 Ethanim nó Tiſri	7 Seachtmha mí, Ochtmha mí.
8 Bul nó Marcheſ.	8 Ochtmha mì, Naoimheadh mí.
9 Chiſleu	9 Naoimheadh mí, Deachmha mí.
10 Thébeth	10 Deachmha mi, Ianuari.
11 Shebeth	11 Ianuari, Februani.
12 Adar nó Veadar	12 Februani, Márt.

Làethe na Seachdmhuine.

1 An céud lá don tſeachtmhuine,	1 Día Domhnuigh.
2 An dara lá,	2 Día Luain.
3 An treas lá,	3 Día Mart.
4 An ceathramhadh lá,	4 Diceadaóine.
5 An cùigeadh lá,	5 Dardaóin.
6 An ſeiſeadh lá,	6 Diahaoine.
7 An ſeachdmhadh lá, no an Tſabbaid.	7 Dia Sathuirn.

An lò, & Uàire an Laòi.

An lò nadurdha, 24 uáire, iodhoin, eidir 6 tráthnóna & 6 an athnóna; *Geneſ.* 1. 5.

An ló cumtha, um 12 uáire, nó eidir don ghréin eirghe, & dul faói.

Maidin, eidir 6 uáire agus 12.

Trathnóna, eidir 12 agus 6.

For-Fhaire na hoidhche.

An chéud Fhaire, ó 6 uáiribh tráthnóna, go 9.

An dara, no an Fhaire mheadhonach, ó 9 go meadhon oidhche.

An treas Faire, nó gairm chaoiligh, ô mheadhon oidhche go 3 na maidne.

An ceathramha, no Faire na maidne, ó 3 go 6; dá ngoirthear Maidin.

Leath Homer, nó lethec, 7 Buiséil agus Seapan.
Homer nò Cor, 14 Buiseil agus píond.

Miosúir na Lionradh.

Log, leath-bhotach Alb.
Pota no Sextarius, muiscin go leath, no 24 unsa.
Miosur no chœnix, Sepan.
Hin, píond agus Seapan.
Fircin, 9 píonda.
Bat, 2 ghallon trí píonda agus Seapan.

Tombas na ccomhchothrom croichte.

Cudrum Secel, ceathramh an únnsa.
Secel na Sanctora, leath únnsa.
Tallan, 62 pund.
Eire Muille, 200 púnd.

Clár an Airgid.

Píos bheag, minutum æreolum, quadrans.teruncius; attimchioll phighin Alb. *Mite*, sa bhéerla Shasg.
Feóirlin, assarium, umha cúinnte, 9 pighinn Alb.
Gerah, 18 pighinn Alb.
Móir-phighinn, denarium, drachma, 7 sceall. 6 pighinn Alb.
Cíoschán, Secel, didrachma, 15 scill. Alb.
Píos airgid, stater, secel na Sanctora, leith unsa, no 30 scill. Alb:
Móir-phios Airgid, Mina, *μνᾶα* 12 unsa go leith, no 3 puind 2 scill. 6 pighinn Shasgn. A deir drong 2 phúind Shasg. drong oile, 100 moir-phighinne.
Tallann, 750 unsa airgid, iodhoin 187 púnd, 10 sceall. Sasgan.

Cúinne óir.

Secel óir, pìos, adarçon, darius, dram óir, 15 scill. Sasg.
Púnd óir, 75 púnd Sasg.
Tallann óir, 2250 púnd Sasg.

Clàr na Haimsire: iona bhfuil tùs Bliadhna na Neabhruidheach [a ngnothuighibh sàoghalta] ag tionnscnamh um an 12 lò don Mhàrt; Exod. 12. 2. [A nccùisibh naomhta] attimchioll an 12 lò don tseachtmha mì; Exod. 23. 16. Gach aon mhìos Eabhruidhe ag gabhail bloidh do dhà mhì dar mìosaibhne, mar so sìos.

1 Abib nó Nisan.	1 Márt, Diblin.
2 Zif nó Iiar.	2 Diblin, Mái.
3 Siran.	3 Mái, Iuin.
4 Thamus.	4 Iuin, Iuli.
5 Ab	5 Iuli, Ogust.
6 Elul	6 Ogust, Seachtmha mí.
7 Ethanim nó Tisri	7 Seachtmha mí, Ochtmha mí.
8 Bul nó Marchesf.	8 Ochtmha mí, Naoimheadh mí.
9 Chisleu	9 Naoimheadh mí, Deachmha mí.
10 Thebeth	10 Deachmha mí, Ianuari.
11 Shebeth	11 Ianuari, Februani.
12 Adar nó Veadar	12 Februani, Márt.

Làethe na Seachdmhuine.

1 An céud lá don tseachtmhuine,	1 Día Domhnuigh.
2 An dara lá,	2 Día Luain.
3 An treas lá,	3 Día Mart.
4 An ceathramhadh lá,	4 Diceadaóine.
5 An cùigeadh lá,	5 Dardaóin.
6 An seiseadh lá,	6 Diahaoine.
7 An seachdmhadh lá, no an Tsabbaid.	7 Dia Sathuirn.

An lò, & Uàire an Laòi.

An ló nadurdha, 24 uáire, iodhoin, eidir 6 tráthnóna & 6 an athnóna; *Genes.* 1. 5.
An ló cumtha, um 12 uáire, nó eidir don ghréin eirghe, & dul faói.
Maidin, eidir 6 uáire agus 12.
Trathnóna, eidir 12 agus 6.

For-Fhaire na hoidhche.

An chéud Fhaire, ó 6 uáiribh tráthnóna, go 9.
An dara, no an Fhaire mheadhonach, ó 9 go meadhon oidhche.
An treas Faire, nó gairm chaoiligh, ó mheadhon oidhche go 3 na maidne.
An ceathramha, no Faire na maidne, ó 3 go 6; dá ngoirthear Maidin.

TIOMNA NUADH

AR

DTIGHEARNA

Agus Ar

SLANUIGHEORA

JOSA CRIOSD,

Ar na tharruing go fírinneach as GREIGIS go GAOIDHEILG.

RE

VILLIAMO DOMHNVILL.

Noch atá anois ar mhaithe choitchinn Ghaóidhealtacht Albann, áthruighte go haireach as an litir Eíreandha, go mion-litre ſhoi-léighidh Romhanta; Maille re Suim agus brígh na Ccaibidleach ós a cceann, a nIlodaluibh aithghearr; le R. KIRKE, M. A.

A LUNNDUIN,

Ar na chur a gcló re *R. Ebheringtham*, ag na ſeachd réultaibh ſa tſráid da ngoirthear, Ave-Maria, abhfogus do Luid-gheata, an bhlía. daóis an Tigh. 1690.

LEABHAIR NA TIOMNA NUAIDHE, Agus a CCAIBIDLEACHA.

San Tsein T. leabhair 39. San T. N. 27.

An Soiſgeul do reir MHATHA.

CAIB. I.

Sinſiorrachd, 18 geineamhuin, 21 breith, 23 & miningbadh ainm Chrioſd.

LEabhar geinealuigh Ióſa
Crioſd mhic Dáibhi, mhic
Abraham.
2 Do ghein Abraham Iſaac.
Agus do ghein Iſaac Jácob.
Agus do ghein Jácob Iúdas
agus a dhearbhráithre.
3 Agus do ghein Júdas Phárés agus
Sára ó Thámar. Agus do ghein Phá-
res Eſrom. Agus do ghein Eſrom
Aram.
4 Agus do ghein Aram Aminadab.
Agus do ghein Aminadab Náaſſon. Agus
do ghein Náaſſon Salmon.
5 Agus do ghein Salmon Bóos ó Ra-
chab. Agus do ghein Boos Obed ó Rút.
Agus do ghein Obed Ieſſe.
6 Agus do ghein Ieſſe Dáibhí an
Rí. Agus do ghein Dáibhi an Rí Solo-
mon ón mnáoi do bhi ag Urias.
7 Agus do ghein Solomon Robóam.
Agus do ghein Robóam Abia. Agus
do ghein Abia Aſa.
8 Agus do ghein Aſa Ióſaphat. Agus
do ghein Ióſaphat Ióram. Agus do
ghein Ióram Oſias.
9 Agus do ghein Oſias Ioatam. A-
gus do ghein Ióatam Achas. Agus do
ghein Achas Eſechias.
10 Agus do ghein Eſechias Manaſ-
ſes. Agus do ghein Manaſſes Amon.
Agus do ghein Amon Ioſias.
11 Agus do ghein Ioſias Iechonias
agus a dhearbhraithre ag bruid na Ba-
bilóine.
12 Agus tar éis bhruide na Babilóne
do ghein Iechonias Salatiel, agus do
ghein Salatiel Sorobabel.
13 Agus do ghein Sorobabel Abiúd,
Agus do ghein Abiúd Eliachim. Agus
do ghein Eliachim Aſor.
14 Agus do ghein Aſor Sádoc. Agus
do ghein Sádoc Achim. Agus do ghein
Achim Eliúd.
15 Agus do ghein Eliúd Eleaſar.
Agus do ghein Eleaſar Matan. Agus
do ghein Matan Iacob.
16 Agus do ghein Iácob Ióſeph
fear Mhuire as ar geineadh Ióſa, da
ngoirthear Crioſd.
17 Uime ſin a nuile gheinealach ó
Abraham go Dáibhi is ceithre geinea-
laigh dég ſad: agus ó Dháibhi go
bruid na Babilóne ceithre glúine dég:
agus ó bhruid na Babilóne go Crioſd
ceithre glúine deg.
18 Agus is mar ſo do bhi geineamh-
uin Ióſa Crioſd, óir tar éis daingin
do thabhairt eidir a mháthair Muire
agus Ioſeph, ni is tíoſga na thangadar
a ngar dá chéile frioth torrach í ón
Spiorad náomh.
19 Achd ar mbeith do Ióſeph a fear
na dhuine comhthrom, agus nar bháill
leis iſiomplair do dhéanamh dhí, bá
mian ris a cur úadha ós íſeall.
20 Agus ag ſmuaineadh na neithiſe
dhó, féuch, do fhoillſigh aingeal an
Tighearna é féin dó a naiſlinn, ag
rádh, A Ioſeph mhic Dáibhi, na biodh
eagla ort do bhean féin Muire do gha-
bháil chugad, óir an ní atá ar na ghein-
eamhuin innte, is ón Spiorad náomh é.
21 Agus béaruidh ſí mac, agus do
bhéaruidh tú Ióſa dainm air, óir ſláineo-
chadh ſé a phobal féin ó na bpeacuighibh.
22 Agus do rinneadh ſo uile do chum
go gcoimhlionfuighthe an ní a dubhairt
an Tighearna tré ſan bhfáidh, ag rádh.
23 Tabhair dod aire, biaidh maigh-
dean torrach agus béaruidh ſí mac, agus
do bhéaruidh tú Emmanúel dainm air
(is ionann ſin ré rádha, ar na mhínigh-
adh, agus, Dia maille rinn.)
24 Agus ar múſgladh do Ióſeph as
a chodladh, do rinne ſé mar do aithin
aingeal an Tighearna dhe, & do ghabh
ſé chuige a bhean.
25 Agus níor aithin ſé í no go rug
ſí a céudmhac, agus tug ſé Ióſa dainm
air.

CAIB. II.

Donbruigh na draoithe Crioſd; 14 Theich Ioſeph leis don Egipt, 16 & mharbh Iorúaith na leanba.

AGus an tan do rugadh Ióſa a
Mbetleem thíre Iúdaighe a laith-
ibh Iorúaith an rí, Féuch, tangadar
Dráoithe ó náird ſhoir go Hiaruſalem.
2 Ag rádh, Ca háit iona bhfuil an Rí
úd na Niúduigheadh atá ar na bhreith?
óir do chonncamairne a réalt ſan
aird ſhoir, agus tangamar dá onórugh-
adh.
3 Achd an tráth do chúalaidh an rí
Iorúaith ſin, bhí ſé ar na bhúaidhreadh,
agus Iaruſaléim uile maille ris.
4 Agus ar gcruinniughadh úachdarán
na ſagart uile dhó, agus ſgríobuidheagh
an phobail, do fhiafruigh ſé dhíobh,
Cia a náit ann a mbéarthaoi Crioſd.
5 Agus a dubhradarſan ris, a Mbeit-
leem thíre Iúdaighe, óir is mar ſo atá
ſé ſgríobhtha ag an bhfáigh:
6 Agus tuſa a Bheitleem talamh Iúda,
ní tú is lugha eidir dhúibhcidhibh
Iúdah: óir is aſad tiocfas an duibhce
fhúireóchus mo phobal Iſrael.
7 Agus ann ſin do ghoir Ioruaith
na draoithe ós íſeal chuige, agus do

ſhiafruigh ſé dhíobh go roighér cía a
naimſear ionar foillſigheadh an rélt.
8 Agus agá gcur go Beidleem dhó, a
dubhairt ſé, Imthighe agus iárruigh an
náoidhe go díthchiollach, agus tar eís
a fhaghála dháoibh, innifigh dhamhſa
é, do chum go rachainnſi féin, agus go
dtiobhruinn onóir dhò.
9 Agus ar gcluinſin an ríogh dhóibh
do imthigheadar: & féuch, an rélt do
chunncadair ſa náird ſhoir, do chuáidh ſé
rompa no go dtáinic ſé agus gur chomh-
nuigh ſé òs cionn a nionuid ann a raibh
an náoidheanán.
10 Agus ar bhfaicſin na réilte dhóibh,
do ghabh gáirdeachus romhór iád.
11 Agus ar ndul a ſteach don tigh
fúaradar an náoidhe a bhfochair a mha-
thar Muire: agus agá léigean air a
ngluinibh dhóibh, do onóruigheadar é,
agus ar noſgladh a gciſdeagh, tugadar
tioghluicthe dhó, ór, agus tùis, agus
mirr.
12 Agus ar bhfagháil teaguisg ó Dhía
a naiſling gan caſadh dionſuighe Jo-
rúaith, do fhilleadar a ſlighe eile da
dtír féin.
13 Agus ar nimtheachd air a nais
dóibh, féach, do taibhreadh aingeal an
Tighearna a mbrionglóid do Ioſeph, ag
rádh, Eirigh & gabh a náoidheanán &
a mhathair chugad, agus teith do Néi-
gipt: agus bi ann ſin no go labhruidh
miſi riot, óir íarrfuidh Iorúaith an
náoidhe do chum a mhillte.
14 Agus ar néirghe dhóſan do ghabh ſé
an náoidhe chuige agus a mhathair ann
ſa noidhche, & do imthigh ſé do Néigipt.
15 Agus do bhí ſe ann ſin go bás Io-
rúaith: do chum go gcoimhlíonfuighthe
an ní a dubhairt an Tighearna leis an
bhfáigh, a deir, Do ghoir mé mo mhac
féin as a Néighipt.
16 Ann ſin an tan do chunnairc Io-
rúaith gö ndearnadar na dráoithe fonó-
mhad faoi, do las ſé lé feirg: agus ar
gcur [luchd dicheanta] úadh, do mharbh
ſé a raibh do léanbaibh-fear a Mbetleem.
agus ann a tórannaibh uile ó áos a dhá
mbliadhan nó faoi, do reír na haimſire
dfoghluim ſé go dithchiollách ó na dráoi-
thibh.
17 Is annſin do coimhlíonadh an ní a
dubhairt Ieremías an fáigh, a deir,
18 Do chlos guth a Ráma, caoi agus
gul, agus úallfurtach romhór, Rachel a
cáoineadh a cloinne, & níor bháil lé ſólás
do ghlacadh, tré nach rabhadar [na
mbeathaidh.]
19 Agus an tan fúair Iorúaith bás,
feúch do toibhreadh aingeal an Tigh-
earna a mbrionglóid do Ioſeph ſa Néi-
ghipt,
20 Ag rádh, Eirigh, gabh chugad an
leanabh & a mhathair, & imthigh go
talamh Ióſrael, óir fúaradar an dream
do bhí ag iárruidh anma an leinibh,
bás.
21 Agus do eirigh ſeiſean, agus do
ghabh ſé an leanabh & a mhathair chuige,
& tainic lé go talamh Ióſraél.
22 Agus an tan do chúaluidh ſé Arche-
láus do bheith na Rí attír Iúdaighe a
nionadh Iorúaith a athar, do bhí eagla
air dul innte: achd cheana ar bhfaghail
teaguisg ó Dhía dhó a mbrionglòid, do
niompóidh ſé go críochaibh na Galilé.
23 Agus an tan táinic ſé ann ſin, do
chomhnuigh ſé ſa gcathair dá ngoirthear
Náſaret, do chum go gcomhlíonfuighthe
an ní a dubhradh ris na Fáighibh, Go
ngoirfighe Naſardha dhe.

CAIB. III.

*Teagaſc & caithe beatha Eóin Bhaiſde. 13
neach re ar baiſdeadh Josa Críosd.*

AGus ann ſna laithibh ſin do bhí Eóin
baiſde ag déanamh ſeannmóra a
bhfáſach thíre Iúdaighe,
2 Agus ag rádh: Déanuidh aithrighe,
oír do dhruid ríoghachd Dé ribh.
3 Oír a ſé ſo an té úd air ar labhair
Iſaias faigh, ag radh, Guth an té éimh-
gheas air an bhfáſach, Ullmhuighidh
ſlighe an tighearna, déanuidh a chaſain
díreach.
4 Agus a ſi culuigh do bhí uime
Eóin; éadach do rúaidhneách chámhall,
agus crios leathair a ttimcheall a leaſ-
ruigh, & a ſé do budh bíadh dhó, lócuiſte
& mil fhiáin.
5 Do chúaidh Iaruſaléim a mach
chuige an tanſoin, agus Iudéa uile, agus
luchd na tálmhan atá a thimcheall Ior-
dán uile:
6 Agus do ghabhadar baiſdeadh úadha
ann Iordán ag admháil a bpeacadh.
7 Agus an tan do chunnairc ſé mórán
do na Pháiriſíneacaibh agus do na Sa-
dúiſeachaibh ag teachd do chum a bhaiſ-
digh féin, a dúbhairt ſé riú, A ſhíol na
naithreach neimhe; cía do fhoillſigh dhá-
oibh teitheamh ón fheirg atá ag teachd?
8 Ar a nadhbharſoin tabhruigh toradh
bhus iomchubhuigh do naithrighe.
9 Agus na ſmúainidh a rádh ionnaibh
féin, Atá Abraham na athair aguinn:
óir a deirim ribh, gurab éidir lé Día
clann do dhéanamh Dabraham do na
clochuibhſi.
10 Agus a nois atá an túagh ar na cur
do chum fréimhe na gcrann: air a
nadhbhurſoin giodh bé crann nach iom-
chrann toradh maith, gearrthar é, agus
teilgthear ſan teinidh é.
11 Go deimhin baiſdimſi ſibh lé huiſge
do chum aithrighe: achd cheana an
té thig am dhiaigh is láidire é ná mé, &
ni fiu miſi a bhróga díomchur: baiſdſe
ſeiſean leis an ſpioraid náomh agus lé
teinigh, ſibh:
12 Agá bhfuil a chriathar ann a láimh,
& glanfuigh ſé urlár a bhúailte: agus
crulnoeochuigh ſé a chruithneachd a nait
thaiſgidhe, & loisgfidh ſé an cháidh lé tei-
nidh nach eidir dho mhúchadh.

13 Tainic

13 Tainic Jósa an tansoin on Nga-
lilé go Jordán do chum Eóin, ionnas
go mbaisdfeadh sé é.
14 Achd cheana do thoirmeisg Eóin
go gér é, ag rádh, Atá a riachdanus o-
ramsa thusa dom bhaisdeadh, & an bhfuil
tusa ag teachd chugamsa?
15 Agus do fhreagair Jósa é, agus a
dubhairt sé ris, Léig dhó a nois: oir is
mar so is iomchubhaigh dhúinn gach uile
cheart do choimhlionadh: do fhuluing
sé dhó an tansoin.
16 Agus ar mbeith ar na bhaisdeagh
Diósa, do chúaidh sé air ball súas as a
nuisge: Agus féuch do hósgladh neamh
dhó, agus do chunnairc sé spiorad Dé
ag tuirrling a gcosamhlachd choluim, &
ag teachd air sion.
17 Agus féuch guth ó neamh, ag rádh,
Ag so mo mhac grádhach sa, dhá bhfuil
mo mhórthoil.

C A I B. IV.

Do chuir an taidhbhirseóir cathughadh ar Chriosd, déis fadthro'gadh. 17 Iar éis Iósa do bhúaidhughadh air, do thionnsgain sé a mhinistralacht.

ANn sin do threóruigh an spiorad Jósa
gus an bhfásach, do chum go gcuir-
feadh an Díabhal cathughadh air.
2 Agus an tan do throisg sé dá fhichiot
lá agus dá fhichiot oidhche, do ghabh
ocras é na dhiaigh sin.
3 Agus air dteachd do náidhbhirséoir
chuige, a dubhairt sé, Mas tusa mac
Dé, aithin do na clochuibhsi bheith
na narán.
4 Achd do fhreagair seisean, agus a
dubhairt, atá sé sgriobhtha, Ni lé harán
a mhain mhairfeas duine, achd lé gach
uile bhreithir dá dtig ó bhéul Dé.
5 Tug an Díabhal é an tansoin
don chathruigh náomhtha, agus do chuir
sé air bheinn an teampuill é.
6 Agus a dubhairt sé ris, Mas tú mac
Dé, teilg thú féin sios: óir atá sé
sgríobhtha, Go ttiobhruigh sé aithne dá
ainglibh ad thimcheall, agus toigeabh-
uidh siád thú ann a lámhaibh do chum
nach búailfeá do chos fá chloich.
7 A dubhairt Jósa ris, Atá sé sgríobh-
tha mar an gceadna, Ni chuirfidh tú
cathughadh ar an tighearna do Dhia
féin.
8 Rug an Díabhal a ris é do chum
sléibhe roáird, agus do thaisbein sé dhó
ríoghachda an domhain uile, agus a
ngloir.
9 Agus a dubhairt sé ris, Do bhéaruidh
misi iád so uile dhuit, má shléachdann
tú dhamh dom onórughadh.
10 A dubhairt Jósa ris annsoin, Imigh
romhad a chathuightheóir óir ata sgriobh-
tha, Onórfuidh tú an Tighearna do
Dhiá féin, agus as dó na áonar do dhéu-
na tú seirbhís.
11 Do fhágaibh an díabhal é an tan-
soin: & féuch, tangadar na haingil, &
do rinneadar frictholamh dhó.
12 Agus an tan do chúaluidh Iósa
gur cuireadh Eóin a láimh, do imthigh
sé don Ghalilé.
13 Agus ar bhfágbháil Nasarét, tainic
sé do dhéanamh comhnuighe go Capear-
náum, do bhí chois na fairge a leithimeal
Shabulon agus Neaphtailim.
14 Do chum go gcoimhlionfuidhthe an
ní a dubhairt Esaias Faigh, noch a deir,
15 Talamh Sabulon, talamh Neph-
talim, slighe na fairge, ar an dtáobh
thall do Jórdan, Galilé na gcinea-
dhach:
16 An pobal do bhí na shuidhe a ndor-
chadas, do chunnairc sé soillse mhór, agus
atá solus ar neirghe do na daoinibh atá
na suídhe a gcrich agus a sgáile an
bháis.
17 O sin a mach do thionnsgain Jósa
seanmóir do dhéanamh, ag rádh, Déa-
nuidh aithrighe, oír do dhruid an rio-
ghachd neamhdha ribh.
18 Agus ag siobhal Diósa ré táobh
fhairge na Gaililé, do chunnairc sé días
dearbhrathar, Simon da ngoirthear
Peadar, agus Aindrias a dhearbhrathair,
ag teilgean lin san bhfairge (oir dob iasg-
airighe iád.)
19 Agus a deir sé ríu, Leanaigh misi,
agus do dhéana mé iasgairighe air dhaoi-
nibh dhibh.
20 Agus ar bhfagbhail a lióntadh air
ball dóibh, do leanadar eisean.
21 Agus ar nimtheachd as sin dó, do
chunnairc sé días eile dearbhrathar, Seú-
mas mhac Sébedé, agus Eóin a dhear-
bhráthair, a mbád a bhfochair Shebedé
a nathar, ag córughadh a lionta ch: agus
do ghoir sé iád.
22 Agus ar bhfagbháil an bhaid & a
nathar féin dhóibhsean, do leanadar é.
23 Agus do ghabh Jósa a dtimcheall na
Galilé uile ag teagasg ann a Sionagó-
guibh agus ag seanmóir shoisgéil na rio-
ghachda, & ag slánaghadh gach tinnis &
gach éagcrúais a measg an phobail.
24 Agus do chúaidh a chlú feadh na
Siria uile: agus tugadar chuige gach
áon da raibh easlán, agus ar na gcui-
bhreadh lé galruighthibh agus le pián-
túibh, éugsamhla, agus agá mbidis dea-
mhain ionnta, agus do bhíodh tinn lé
goin na Ré, & luchd pailirile, agus do
shlánuigh sé iád.
25 Agus do lean cuideachda mhór é,
ón Ghailílé, agus ó Dhecapólis, agus ó Ja-
rusalém, agus ó Judéa, agus ó na críó-
chaibh atá don táobh thall do Jórdán.

C A I B. V.

Seanmóir Chriosd ar an tsléibh, in a bhfuil na bocht beannuigheadh, & mínaughadh an reachd.

AGus an tan do chunnairc Jósa an
slúagh, do chuáidh sé suas ar shliabh,
agus ar luighe dhó, tangadar a dheisgio-
buil chuige.
2 Agus ar nosgladh a bhéil dó, do thea-
gaisg sé iád, ag radh: A 3 3 Is

3 Is beannuighthe na boichd a sbio-
ruid, óir is leó ríoghachd neimhe.
4 Is beannuighthe na daóine do ní do-
brón: óir do gheabha siád sólás.
5 Is beannuighthe na daóine ceannsai-
ghe: óir biaidh oighreachd na talmhan
aca.
6 Is beannuighthe an dream air a
bhfuil ocras agus tart na córa: óir sái-
seochthar iád.
7 Is beannuighthe na daóine trócairea-
cha: óir do gheabha siád trócaire.
8 Is beannuighthe na dáoine atá glan
na gcroidhe: óir do chífid siád Día.
9 Is beannuighthe luchd na síothchána
do dhéanamh: óir goirfidhthear clann
Dé dhíobh.
10 Is beannuighthe an dream fhuiln-
geas dochar ar son na córa: óir is léo
ríoghachd neimhe.
11 Is beannuighthe bheithí an tan im-
dheargfuid daóine sibh, agus dhibeoruid
sibh, & a déuruid gach uile dhrochfhoc-
cal ribh go bréugach, ar mo shonsa.
12 Biodh gairdeachas agus luáthgháir
oruibh, óir is mór bhur luaidheachd ar
neamh: óir is mar sin do ghérleanadar
na faidhe thainic romhaibh.
13 Is sibhsi salann na talmhan: gidh-
eadh dá mbé an salann gan bhlas, creúd
lé a saillfidhthear é? ni bhfuil feidhm
air ó sin suas, achd a thilgean a mach,
agus a shaltairt fá chosaibh dáoine.
14 Is sibhsi solus an domhain: ní héi-
dir cathair atá ar na suighiughadh ar
shliabh dfolach.
15 Agus ní lasaid dáoine coinneal do
chum go gcuirfidis fa bhéul buiséil í, achd
a gcoinnléoir agus do ní sí solas dá a
mbíonn a stigh.
16 Go madh mar sin dhealróchus bhur
soillsisi a bhfiaghnuisi na ndáoine, a
gcruth go bhfaicfid siád bhur ndeaghoib-
righthe, agus go dtiobhruid glóir dá
bhar nathair atá ar neamh.
17 Na measaidh go dtainic misi do
sgáoileadh an dlighidh nó na bfáigheann:
ní dá sgáoileadh thainic mé, achd dá
gcoimhlionadh.
18 Oir a deirim ribh go firinneach,
no go ndeachaidh neamh agus talamh
thort, ní rachaidh éinjota na áonphunc
don dligheadh thort, nó go gcoimhlion-
tar gach éin ní.
19 Ar a nadhbharsoin giodh bé neach
bhrisfeas áonaithne do na haitheantaibh
roibheagaso, agus theagaisgfeas na dáoi-
ne mar sin, goirfidhthear dhe, an duine
is lugha a ríoghachd neimhe: achd
giodh bé neach dhéanas & theagaisgfeas
siád), goirfidhthear duine mór dhe a
ríoghachd neimhe.
20 Oir a deirim ribh, Muna saruighidh
bhur bhfíreantachdsa fíreantachd na
Sgríobuigheadh agus na Bhphairisíneach,
nach rachdaói a steach sa bhflaitheas
neamhdha go bráth.
21 Do chúalabhair go ndubhradh ris
na seinnsearaibh, Na deúna dúnmhar-
bhadh, & gidh bé do dhéanas dúnmhar-
bhadh, biáigh sé cionntach ó bhreithea-
mhnas.
22 Achd á deirimsi ribh, gach neach do
ní fearg re na dhearbhráthair gan adh-
bhar, budh ciontach don bhreitheamhnas
é: & giodh bé neach a déuruidh ré na
dhearbhráthair, Raca, budh cionntach do
bhreith na comhairle é: & giodh bé a
déuruidh, A amadain, budh cionntach é
do theinigh ifeirn.
23 Uime sin ma thugann tú do tha-
bhartus do chum na haltora, & go gcuimh-
neochaidh tú ann sin go bhfuil ní ar
bith ag ad dhearbhrathair ad haghaidh.
24 Fágaibh do thabhartus ann sin a
bhfíadhnuisi na haltóra, agus imthigh, &
ar tús réidhigh réd dhearbhrathair, &
tar eisi sin ar dteachd duit tabhair uait
do thiodhlacadh.
25 Réidhigh go luath réd easgcaruid,
an feadh bhiás tú na fhochair sa tslighe:
deagla go dtiobhradh teascara don bhrei-
theamh thú, agus go dtiobhradh an
breitheamh thú don mháor, agus go
dteilgfidhthi a bpriosún tú.
26 A deirim riot go fírinneach, nach
rachaidh tú as sin a mach, nó go níoca
tú an fheóirling dheigheanach.
27 Do chúalabhair go ndubhradh ris na
seinnsearaibh, Ní dhéana tú adhaltrannas.
28 Achd a deirimsi ribh, giodh bé
neach fhéuchas air mhnáoi chum a sann-
taighthe, go ndearnuidh sé adhaltrannas
lé cheana ann a chroidhe.
29 Ar a nadhbharsoin mas coinntach
do shúil deas le hoilbhéim dfagháil duit,
bean asad í, & teilg uait í: óir is fearr
dhuit, aonbhall dod bhallaibh do dhul
a mugha, na do chorp uile do theilgean
go hifearn.
30 Agus má bheir do lámh dheas sgan-
nail dhuit, gearr dhíot í, agus teilg
uait í. Oir is fearr dhuit áonbhall dod
bhallaibh do dhul a mugha, na do chorp
uile theilgean go hifearn.
31 Agus a dubhradh, Giodh bé leig-
theas a bhean phósda, tabhradh sé lei-
tir dhealaighthe dhi.
32 Achd cheana a deirimsi ribh, Giodh
bé neach léigfeas a bhean-phósda féin
(ach amháin ar son adhaltrannais) go
dtugann sé uirrthe adhaltrannas do dhéa-
namh, & an té do bhéaraidh an bhean-
soin do léigeadh, do ní sé adhaltrannas.
33 Mar an gcéadna do chúalabhair go
ndubhradh ris na seinnsearaibh, Ní thio-
bhruidh tú héitheach: achd do dhéana
tú do mhóid go maith don Tighearna.
34 Achd a deirimsi ribh, Na tabhruidh
mionna ar mhodh ar bith: na tabhruidh
neamh, óir a sé caithir Dé é.
35 Na tabhraidh an talamh, óir a sé
ldól a chos é: na tabhruidh Iarusaléim,
óir a sí cathair an Ríogh mhóir í.
36 Na tabhair do cheann fein mar
mhionna, óir ní héidir riot áonruibe geal
na dubh do dhéanamh. 37 Achd

37 Achd go madh é bhús comhrádh
dhaoibh, A ſeadh, a ſeadh, ni headh, ni
headh : achd gidh bé ní bhías as a
gcionn ſo, is ó nolc atá ſé.
38 Do chúalabhair go ndubhradh, Súil
ar ſon ſúile, agus ſiacail ar ſon
ſiacaile.
39 Achd cheana a deirimſi ribh, Na
cuiridh a naghaidh a nuilc : achd giodh
bé neach bhúailfeas tú air do ghiall
deas, iompóigh chuige an giall oile.
40 Agus an té lêr ab aill cúis
bhreitheamhnuis do chuir ort, agus do
chóta do bhúain diot, leig leis do
chlóca fós.
41 Agus giodh bé bhéuras leis ar
feadh míle ar éigin tú, imthigh leis ar
feadh dhá mhíle.
42 Tabhair ní don té iárfus ort é,
agus giodh bé le nab mián airleagadh
dfaghail uáid, na fill uáid é.
43 Do chúalabhair go ndubhradh,
Gráidheóchuigh tú do chomharſa, agus
biaidh ſúath agad dod námhaid.
44 Achd a deirimſi ribh, Bíogh grádh
agaibh dá bhur naímhdibh, beannai-
ghidh na dáoine mhallaigheas ſibh,
deúnaidh maith do na dáoinibh air ar
beag ſibh, agus deúnaidh urnaighthe ar
ſon na muinntire bhuaidhreas, agus
dhíbreas ſibh.
45 Do chum go mbeith ſibh bhur
gcloinn ag bhur nathair féin atá air
neamh, óir do bheir ſeiſean fa deara
go néirgheann a ghrian féin air na
drochdhaoínibh & air na deagh dhaói-
nibh, & do ní ſé fearthuinn air na fíréu-
nachaibh & air na neimhfhíréunchuibh.
46 Oir ma bhíonn grádh agaibh don
mhuinntir agá bhfuil grádh dháoibh, creúd
é an lúaidheachd do gheubhthaói ? a né
nach déunaid na Publiocáin an ní ceúdna.
47 Agus ma chuirthí fáilte roimh
bhur ndearbhraithre féin amháin, créud
do níthí do bhárr air chách ? a né
nach deúnuid na puibliocáin féin mar a
gcéudna ?
48 Ar a nadhbharſoin bídhidhſi deang-
mhálta, mar atá bhur nathair atá air
neamh deangmhálta.

CAIB. VI.

*Leanaidh an tſeanmóir ar dhaóinacht 5 Ur-
naighe. 16 Throſgadh, 24 Shaidhbhrios,
33 & Rigbeachd De.*

TAbhraidh bhur naire nach deún-
taoi bhur ndeirc a bhfiadhnuiſi
dáoine, do chum go bhfaicfidís ſibh : nó
ní bhfuighthí lúaidheachd ó bhur
nathair atá air neamh.
2 Ar a nadhbharſoin a núair do ní
tú déirc, na cuir galltrompa dha
ſheinm romhad, mar do ní luchd an
fhúarchrábhaigh ann ſna ſionagógaibh
agus ann ſna ſraideannaibh, do chum
go bhfuighidís glóir ó dhaóinibh : go
fírinneach a deirimſi ribh, go bhfuil
a dtúaraſdal aca.
3 Achd cheana an tan do ní túſa
déirc, na bíodh a fhios agad láimh chlí
créud do ní do lámh dheas.
4 Do chum go mbiadh do dhéirc a
bhfolach : agus do bhéaruidh hathair do
chí a bhfolach luáidheachd dhuit ós áird.
5 Agus an tan do ní tú urnuighe, na
bí mar luchd an fhéarchrábhaigh ; oir
is ionmhain léo urnuighthe dheúnamh
ſna ſionagógaibh, agus a gcomhrac na
ród na ſeaſamh, do chum go bhfaicfidís
na dáoine iád : go deimhin a deirimſi
ribh, go bhfuil a dtúaruſdal aca.
6 Achd cheana an tan do ní tuſa ur-
nuighe, imthigh a ſdeach ann do ſheóm-
ra, agus ar niadhadh do dhoruis duit,
guidh hathair féin ata a bhfolach : &
do bhéaraidh hathair do chí a bhfo-
lach luáigheachd ós áird duit.
7 Achd cheana ag déunamh urnuighe
dháoibh, na bithí rochainnteach mar na
cineadhacha, óir ſaoilidh ſiád go néiſd-
fidhthear riu ann a niomad bríathar.
8 Uime ſin na ſamhlaighthear ſibh
riu : óir atá a fhios ag bhur nathair
féin cía híad na neithe atá duireaſ-
bhaigh oruibh, ní is táoſga na iárfui-
ghthí air iád.
9 Air a nadhbharſoin, déanaidhſi bhur
nurnuighe mar ſo. Ar nathair atá ar
neamh, náomhthar hainm :
10 Tigeadh do ríoghachd. Deúntar
do thoil ar an ttalámh, mar do nithear
ar neamh.
11 Ar narán laéathamhail tabhair
dhúinn a niu.
12 Agus maith dhúinn ar bhfiacha, mar
mhaithmídne dar bhféitheamhnuibh féin.
13 Agus na léig ſinn a ccathughadh,
achd ſáor inn ó olc. Oir is leachd
féin an ríoghachd, & an cumhachd, agus
an ghloir go ſíorruighe. Amen.
14 Oir ma mhaithtí a gcionnta do
dháoinibh, maithfidh bhur nathair
neámhdha dáoibhſi mar an gcéadna.
15 Achd muna maithtíſi a gcionta
do na dáoinibh, ní mhaithfidh bhur
nathair féin dáoibhſi bhur gcionta.
16 Agus an tan do nithí troſgadh,
na bidhidh grúama mar luchd an fhúar-
chrábhaidh ; oir dorchuidhid ſiád a
naighthe do chum go madh follus
dona dáoinibh iád do throſgadh : a
deirimſi ribh go fírinnneach, go bhfuil
a ttúaraſdal aca.
17 Achd cheana, an tan do dheana
tuſa troſgadh, cuir ola ar do cheann, &
ionnail haghaidh.
18 Do chum nach budh follus dona
dáoinibh go ndéanann tú troſgadh, achd
dod athair atá a bhfolach : agus do
bhéuraidh hathair do chí a bhfolach,
luáidheachd dhuit ós áird.
19 Na cruinnighidh ionnmhas ar an
ttalamh, mar a ttrúailleann an léoghan
agus an mheirg é, agus mar a ttoch-
laid agus mar a ngoidid na bíothamh-
nuigh.
20 Achd cruinnighidh ionmhas dháoibh

féin

féin air neamh, ós ann nach dtruáilleann
an míol críon ná an mheirg, agus
nach tochlaid agus nach goidid na
gaduidhthe.
21 Oir giodh bé ball iona bfuil bhur
nionnmhas, is ann ſin bhiás bhur
gcroidhe mar an gcéadna.
22 Sí an tſúil ſolas an chuirp:
uime ſin ma bhíonn do ſhúil glan, biaidh
do chorp uile ſoillſeach.
23 Achd dá raibh do ſhúil go holc,
biaidh do chorp uile dorcha: air a nadh-
bharſoin ma atá an ſolus atá ionnad
na dhorchadus, créud é méud an
dorchaduis ſin!
24 Ní héidir lé neach air bith
ſeirbhís do dhéunamh do dha thighearna,
óir biaidh fúath aige do dhuine aca, &
grádh don duine eile: nó ceangalfuigh
ſé do neach aca, agus do bhéuraidh ſé
tarcuiſne ar an dara fear: ní héidir
libh ſeirbhís do dhéunamh do Dhía
agus do Mhammon.
25 Ar a nadhbharſoin a deirimſi
ribh, Na bidhidh lán do chúram a ttim-
cheall bhur mbeatha, créud ioſdáoi nó
iobhtháoi: na a ttimcheall bhur
gcuirp, creúd chuirſi umaibh. A né
nach mó an tanam na an bíadh, agus
an corp ná an téudach?
26 Féachaigh ar éunlaith a naiéir:
óir ní chuirid ſíol, agus ní bheanuid
ſíad, agus ní chruinnighid ſíad ann a
ſgiobólaibh; gidheadh beathaighidh
bhur nathair neamhdhaſa iád: a né
nach fearr ſibhſi go mór na iadſan?
27 Agus cía agaibh lé na iomad
cúruim fhéadas áonbhannlámh do chur
lé na airde féin!
28 Agus créud fa a bhfuiltí rochú-
ramach a ttimcheall bhur gculadh?
foghlomaidh cionnas fháſaid lilighe an
mhachuire: ní dhéunaid ſíád ſaóthar,
agus ní ſhníomhaid ſíád.
29 Gidheadh a deirimſi ribh, nach
raibh Solomh féin gon a uile ghlóir, ar
na eúdughadh mar áon díobh ſo.
30 Agus ma eúduigheann Día mar
ſin luibh an mhachaire atá a niugh ann,
agus a márach ar na theilgein ſa
núamhain, a né nach mó na ſin ſibhſi,
A dhaóine beigchreidmheacha?
31 Uime ſin na bhidhidh lán
do chúram, ag rádh, Créd Jóſam!
no créd Jobhom? nó créd chuirſeam
umainn?
32 (Oir a ſíád ſo uile Jirruid na
cinidheacha) óir atá a fhios ag bhur
nathair neamhdha ſa go bhfuil a
ríachdanas ſo uile oraibh.
33 Achd iarraigh ar tús flaitheas Dé,
agus a fhiréuntachdſan & teilgfidhthear
na neitheſi uile chugaibh.
34 Uime ſin na biodh rochúram
oruibh timcheall an laói máruigh, oir
biaidh a ſháith cúruim air an lá a
márach timcheall a neithe féin: is
lór don lá a olc féin.

CAIB. VII.

Criochnuigh an tſeanmóir um bhreath dhian, 6 gan ní naomhtha chur a neamhſhuim, 15 & fháigh aithniughadh ar thóradh a bheathaidh.

NA beiridh breath, do chum nach
béarthaói breath oraibh.
2 Oir is do réir na breithe bheirthí,
bheúrthar breath oruibh: Agus is
leis an mioſúr thomhaiſtí, toimheóſ-
fuidhthear dháoibh a rís.
3 Achd créd fá a bhfaiceann tú an
broth atá a ſúil do dhearbhráthar, agus
nach ccuireann tú a numhail an tſail atá
ann do ſhúil féin?
4 No cionnas a deúra tú réd dhear-
bhráthair, Fulaing dhamh an broth do
bhúain as do ſhúil, agus féuch an tſail
ann do ſhúil féin?
5 A fhir an ſhúarchrábhaidh, bean
an tſail ar túa as do ſhúil féin, agus
ann ſin budh léir dhuit an broth do
bhuáin as ſúil do dhearbhrathar.
6 Na tabhraidh an ní naómhtha
do mhadruighibh, agus na teilgidh
bhur gclocha úaiſle a bhfiadhnuiſi na
muc: air eagla go ſuilteóraidís orrtha
lé na gcoſuibh, agus, ar bhfilleadh
dhóibh go dtarrongaidís ſibh féin as a
chéile.
7 Jarruigh agus do bhéurtar
dháoibh: lurgairidh agus do gheabh-
tháoi: búalidh [an dorus] agus oiſ-
géolthar dháoibh.
8 Oír gach uile neach iárrus, gla-
cuidh ſé agus giodh bé lurgaireas, do
ghéibh ſé: agus is don té bhúaileas
[an dorus] oiſgéoltar.
9 Oir cía an duine agaibhſi, ma a-
tá go níarrfuigh a mhac arán, do
bhéuraidh cloch dhó?
10 Agus mas iáſg iárrfus ſé, an
aithir neimhe do bheúraidh ſé dhó?
11 Ar a nadhbharſoin ma atá a
fhios agaibhſi atá olc, tioghluicthe
maithe do thabhairt dá bhur gcloinn,
a né nach mó ná ſin do bhéuraidh
bhur nathairſe atá air neamh, neithe
maithe don dreim iárrus air iád.
12 Uime ſin gach uile ní budh
mían libh daoine do dhéunamh dhíbh,
deúnaidhſi a leithéide dhoibhſean mar
an gcéudna: oir a ſé ſo an dligheadh
agus na faighe.
13 Imthighidh a ſdeach ſa doras
chumhann: oir is fairſing an dorus,
agus is leathan an tſlighe thré raigheas
do chum damanta, agus is mór théid a
ſdeach thríthe.
14 Achd is cumhann an doras, agus
is caól an tſlighe thréoraigheas chum
na beatha, agus is beag do gheibh
eólus uirrthe.
15 Tuilleadh eile, coimhéadaigh ſibh
féin ar na faigheannaibh fallſa, thig
chugaibh a gculaidhibh caórach, agus
a tá leith a ſdigh na madruidhibh állta
fhúaduigheacha.

16 Air a ttórrthaibh aitheóntaoi iad.
an gcruinnighid daóine caóra fineambna
do dhriseach, no figighe do na foth-
annánaibh?
17 Is mar sin do bheir gach uile
chrann maith tórtha maithe, achd do
bheir an drochchrann drochthórrtha.
18 Ní héidir leis an gcrann maith
drochthórtha diomchar, na leis an
gcrann gcríon tórtha maithe do tha-
bhairt.
19 Gach uile chrann nach iomchrann
toradh maith, gearrthar é, agus teilg-
thear san teinidh é.
20 Ar a nadhbharsoin is air a ttór-
thaibh aitheontaoi iad.
21 Ní é gach uile neach a deir riom-
sa, A thighearna, A thighearna, ra-
chas a sdeach sa ríoghachd neamhdha,
achd an té do ní toil mhatharsa ata
áir neamh.
22 As iomdha daóine a deuraidh rium
annsa la úd: A thighearna, a thi-
ghearna, a né nach ad hainmsi do rin-
neamar fáigheadóireachd, & ad hainm-
si do theilgeamar a mach na deamhain,
& do rinneamar iomad míorbhaileadh?
23 Achd cheana aidmhéochuidh misi
ós aird dhóibh an tansoin, Níor aithin
mé a riamh sibh, imthighidh uáim a
luchd déunta na heugcóra.
24 Ar a nadhbharsoin gach uile neach
do chluin na bríathrasa agamsa agus do
ní iad, saimhléochaidh mé lé duine glic
é, neach do rinne a thigh air chárraig.
25 Agus do thúirling an fhearthainn
agus tangadar na tuilte, agus do
shéideadar na gaótha, águs do bhúaileadar
dar ar an ttigh úd, agus níor thúit sé:
óir do bhí a fhuinnimed air charraig.
26 Agus gach uile neach do chlúin mo
bhríathrasa, agus nach ccoimhlíonann
iad, saimhléochthar é lé duine leamh,
neoch do thógaibh a thigh air ghaineamh.
27 Agus do thuirling an fhearthainn,
agus tangadar na tuilte, agus do shéid-
eadar na gaótha, agus do bhuáileadar
air an ttigh úd, agus do thuit sé, agus
bá mór a thuitim.
28 Agus tárla an tan do chríochnaigh
Jósa na briathrasa, gur ghabh úathbhas
an pubal tré na theagasgsan.
29 Oir do theagaisg sé iad mar neach
agá raibh cumhachda, agus ní mar na
Sgríobuighe.

C A I B. VIII.

Do leighis Josa an lobhar, &c. 23 choisc sé an anfa, 28 & dfúaduigh sé na deamhain as na daoinibh.

AGus tar éis teachda núas don tsliabh
dhò, do leanadar cuideachda mhór é.
2 Agus féuch, tainic lóbhar chuige & do
shléachd sé dhó, ag rádh, A thighearna,
másdh áill leachd, is éidir leachd misi
do ghlanadh.
3 Agus ar síneadh a láimhe do bhean
Iósa ris, ag rádh, Is áill, bí glan: & ar
an mball do bhí a lobhradh ar na ghla-
nadh.
4 Agus a deir Iósa ris, Tabhair do d
aire gan a innisin do dhuine ar bhioth:
achd imthigh, taisbein thú féin don tsa-
gart, & beir chuige an tiodhlacadh do
aithin Maoisi, mar fhíadhnuisi dhóibh.
5 Agus ar ndul Diosa a sdeach go
Capernáum táinic Seantúrion chuige
dá ghuidhe,
6 Agus ag rádh, A thighearna atá
móglach na luighe a sdigh a bpairilis,
agus ar na phianadh go roiomarcach.
7 Agus a deir Iósa ris, A teachd
dhamhsa slaineóchaigh mé é.
8 Agus ar bhfreagra don chaiptin,
a dubhairt sé, a Thighearna, ní fiu misi
thusa do theachd a sdeach fam chleith,
achd a mháin abair an focal, agus slain-
éochthar mhóglách.
9 Oir is duine misi féin atá fá chu-
mhachdaibh, agá bhfuilid saighdiuirigh
fúm; agus a deirim ris an bhfearso,
Imthigh, agus imthighidh sé: agus ris
an bhfear oilesi, Tárr, agus tig sé: agus
rém shearbhfhoghantaigh, Déuna so, &
do ní sé é.
10 Achd ar na chluinsin so Diosa, do
ghabh iongantas é, agus a dubhairt sé
ris an muinntir do bhí na dhiaigh, Go
fírinneach a deirim ribh, nach bhfuair
mé a noireadsa do chreideamh a Nio-
sráel féin.
11 Agus a deirim ribh, go ttiocfuidh
morán ó náird shoir agus ó náird shiar,
agus suighfid a bhfochair Abraham
agus Isaac agus Jácob sa ríoghachd
neamhdha.
12 Agus teilgfidhthear clann na
ríoghachda sa dorchadas atá léith a
muigh: biaigh ann sin gul agus gear-
radh fíacal.
13 Agus a dubhairt Iósa ris an gcaip-
tín, Imthigh romhad, agus bíodh dhuit
do réir mar do chreid tú; agus do
slánuigheadh a shearbhfoghantaidhe ar
a núair sin.
14 Agus an tan tháinic Iósa go tigh
Pheadair, do chunnairc sé mathair a
mhná na luighe, agus í a bhfíabhrus.
15 Agus do bhean sé ré na láimh,
agus do fhágaibh an fíabhrus í: agus
do éirigh sí agus do rinne sí fríothó-
lamh dhóibh.
16 Achd an tan do bhí déireadh an
láoi ann, tugadar chuige móran ann a
rabhadar deamhain, agus do theilg sé
na spioruidighe a mach lé na fhocal,
agus do shlánaigh sé gach uile dhuine
dá raibh easlán.
17 Do chum go gcoimhlíonfuighthe an
ní a dubhairt Esaias faigh, a deir: Do
ghabh seisean ar néagcrúaisne air, agus
do iomchair sé ar ngalruighthe.
18 Agus an tan do chunnairc Iósa
slúagh mòr na thimcheall, do aithin
sé dul don taoibh oile.
19 Agus ag teachd do Sgríoba airighe,
a dubhairt sé ris: A mhaighisdir, lean-
suigh misi thú giodh bé ar bhith ball
ann a rachaidh tú.

20 Agus

20 Agus a deir Iósa ris, Atáid ſíachaiſighe ag na ſionnchaibh agus neid ag éanlaithibh a naiéir : achd ní bhfuil áit ag mac an duine ann a gcúirſeadh ſé a cheann ſíoi.

21 Agus a dubhairt ſear eile dá dheiſgiobluibh ſéin ris : A thighearna, léig dhamhſa imtheachd ar tús, agus m'athair daghlacadh.

22 Achd a dubhairt Jósa ris, Lean miſi, agus léig dona márbhuibh a mairbh ſéin daghlacadh.

23 Agus an tan do chúaigh ſé a luing do leanadar a dheiſgiobuil é.

24 Agus Féuch, do éirigh ſdoirm mhór ar an bhſairge, ionnus gur ſholaigheadar na tonna an long : achd do bhí ſeiſean na chodladh.

25 Agus ar ndul chuige dá dheiſgiobluibh, do dúiſgeadar é, ag rádh, A thighearna, ſabháil inn ; a támáoid air ſágbháil.

26 Agus a deir ſeiſean rìu, Créud ſá a bhſuiltí eaglach, a luchd an chreidimh bhig ? ar néirghe dhóſan an tanſoin do bhagair ſé air an ngáoith, agus air an bhſairge, agus thainic ciúnas mór ann.

27 Agus do ghabh iongnadh na daóine, ag rádh, Créud é an fearſo, agá bhſuilid na gáotha agus an fhairge ag umhlughadh dhó.

28 Agus an tan thainic ſé don táoibh eile go tír na Ngeirgéſineach, tárrladar días do dháoinibh air, ann a rabhadar deamhain, ag teachd as na tuámaighibh, agus do bhí roſhíochmhar, ionnas nár bhéidir do dhuine ar bhith an tſlighesin do ghabhail.

29 Agus Féuch, do éimhgheadar, ag rádh, Créud é ar gcuidne dhiót a Jósa mhic Dé ? an dtainic tú ann ſo dhár gcéuſadhne roimhe a naimſir ?

30 Agus do bhí ſealbh mhór mhuc a bhſad úatha ag inghilt,

31 Agus do iarradar na deamhain athchuinghidh airſean, ag rádh, Ma theilgeann tú a mach ſinn, léig dhúinn dul ſa tréud muc úd.

32 Agus a dubhairt ſeiſean ríu, Imighe : agus ar nimtheachd dóibh do chúadar ann ſa tréud muc, agus Féuch, do thuit an tréud uile do náill a ndiáigh a gcinn ſa bhſairge, agus ſuáradar bás ann ſna huiſgidhibh.

33 Agus do theitheadar na búachaillighe, agus do chúadar don chathraigh, agus do inniſeadar na neitheſi uile, agus fós na neithe do éirigh don luchd ann a rabhadar na deamhain.

34 Agus Féuch, do chúaidh an chathair uile a mach do theagmháil air Iosa : & an tan do chunncadar é, do iarradar air imtheachd as a ttórannaibh ſéin.

CAIB. IX.

Do ſhaor Críoſd dáóine ó pheacadh, ó Phairiliſi, ⁊ ó iomdha galar. 36 *Diarr ſé fós, Dia ghuidhe do chur buachailleadh amach adha Eagluiſe.*

AGus ar ndul a loing dhó, do chúaigh ſé tar uiſge, agus thainic ſé dá chathraigh ſéin.

2 Agus Feuch, tugadar fear pairiliſe na luighe air a leabaidh chuige : agus an tan do chunnairc Iósa a gcreideamh, a dubhairt ſé re fear na pairiliſi, Bíodh muinighin mhaith agad, a mhic, ataid do pheacaigh ar na maitheamh dhuit.

3 Agus Feuch, a dubhradar cuid áirighe dona ſgríobaighibh ionta ſéin, Atá an fearſo ag labhairt blaſpheime.

4 Agus an tan do chunnairc Iósa a ſmúaintighthe, a dubhairt ſé, Créud ſá ſmúaintighthiſi uilc ann bhur gcroidhthibh ?

5 Oír cía is uſa a rádh, A taid do pheacaigh ar na maitheamh dhuit : nó a rádh, Eirigh agus ſiobhail ?

6 Achd do chum go mbeith a fhios agaibh go bhſuil cumhachda ag mac an duine peacaigh do mhatheamh ar an ttalamh (a deir ſé an tanſoin ré fear na pairiliſe) Eirigh, tógaibh do leabaigh, agus imhthig dod thigh.

7 Agus ar néirghe dhóſan do chúaigh ſé dhá thigh ſéin.

8 Achd an tan do chunnairc an pobal [an niſi] do ghabh iongantas iad, agus tugadar glóir do Dhia thug a leithede ſin do chumhachdaibh do dháoinibh.

9 Agus an tan do chúaigh Iósa as a náitſin, do chunnairc ſé óglach na ſhuighe ag bord an chuſduim, dar bhainm Matha, agus a dubhairt ſé ris, Lean miſi, agus ar néirghe dhó do lean ſé é.

10 Agus tainic chum críche ar ſuidhe dhóſan chum bidh ſan tigh, Féuch, tangadar iomad puibliocánach agus peacthach, & do ſhuigheadar chum bidh ma raon ré Hioſa agus re na dheisgiobluibh.

11 Agus an tan do chunncadar na Phairiſinigh ſin, a dubhradar ré na dheisgiobluibhſean, Créud fa nitheann bhur maighiſdirſi a bhſochair na bpubliocánach agus na bpeacach ?

12 Agus an tan do chualaigh Iósa [ſo] a dubhairt ſé ríu, Ni ag an muintir a tá ſlán a tá féidhm ar an liaigh, achd ag an mhuinntir a tá eaſlán.

13 Achd imdhigh, agus foghlomaigh a chiall ſo : Trócaire is áill leam, agus ni hiodhbhuirt : oir ni tháinic miſi do ghairm na bhſiréunach, achd na bpeacach do chum aithrighe.

14 Ann ſin tangadar deisgióbail Eóin chuige, ag rádh, Créud fa a ndéunmaóidne agus na phairiſinigh iomad troiſge, agus nach ttroiſgid do dheisgiobail ſé ?

15 Agus a dubhairt Iósa ríu, A néidir lé cloinn tſeomra an fhir núaphóſda bheith dóbronach an ſeadh bhios an té do póſadh na bhſochair ? achd cheana tiocſuidh lá ann a dtóigéabhthar an fear núaphóſda uátha, agus ann ſin do dhéunaid ſiad troſgadh.

16 Agus ní chuireann duine ar bhith

preaban

preaban déudach gan chórughadh air
sheinédach, óir beanuidh sé a lán féin
as a néadach, agus do nithear an bris-
eadh ní is meala.
17 Agus ní chuirid daòine fion núa
a seanbhuidéulaibh, nó brisdear na
buidéil agus doirtear an fion, agus téid
na buidéil a mugha : achd cuirid siad
fion núa a mbuidéulaibh núadha, agus
bid siad a ráon slán.
18 Agus ag labhairt na neitheannso
dhò, ríu, Feuch, ar tteachd dúachdarán
áirighthe [chuige] do onóruigh sé é,
ag rádh, Fuáir minghean bás ar an
mball, ach tarrsa agus cuir do lámh
uirrthe, agus biáidh sí béo.
19 Agus ar neirghe Diósa do lean sé
féin & a dheisgiobail é.
20 (Agus Féuch táinic bean ar a raibh
dórtadh fola re dhá bhliághain dég
táobh shíar dhe, agus do chumail sí lé
imeal a éudaigh.
21 Oír a dubhairt sí innte féin, Ma
bheanaim lé na eúdach a mhain, bi-
aidh mé slán.
22 Agus ar bhfilleadh Diósa agus ar
na faicsinsean dó, a dubhairt sé, Bíodh
muinighin mhaith agad, a inghean, do
shlánaigh do chreideamh thu, agus do
bhí an bhean slán ó a nuáirsin a mach.)
23 Agus an tan thainic Iósa go tigh
a nuachdaraín, agus do chunnairc sé an
luchd ceóil agus an chuideachda ag
déunamh míoshúaimhnis,
24 A deir sé ríu, Imthighidh romh-
aibh : óir ní bhfuil an cailín marbh,
achd na codladh, agus do rinneadar-
san fonómhad faoi.
25 Agus an tan do cuireadh an chui-
deachda a mach, do chúaidh sé a sdeach
agus rug sé air láimh uirrthe, agus do
éirigh an cailín.
26 Agus do chuáigh an tásgsa a mach
ar feadh na talmhansoin uile.
27 Agus an tan do imthigh Iósa as
sin do leanadar días dall é, ag éimhghe
agus ag radh, Déuna trocaire oruinn a
mhic Dáibhi.
28 Agus an tráth thainic sé a sdeach
don tigh, tangadar na doill chuige,
agus a deir Iósa ríu, An gcreidtí gur
ab eidir leamsa so do dhéanamh? a
deitid siadsan ris, Creidmid, a Thighe-
arna.
29 Ann sin do bhean sé ré na súilibh,
ag radh, Teagmhadh dháoibh do réir
bhur gcreidimh.
30 Agus do hosgladh a súile : agus do
bhagair Iósa go géur orrtha ag rádh,
Tabhraidh dhá bhur naire nach bhfuighe
duine ar bith a fhios [sò.]
31 Achd ar ndul a mach dhóibhsean
do leathnuigheadar a chlúsan fán ttal-
amhsoin uile.
32 Agus an tan do chúadarsan a
mach, Féuch, tugadar duine balbh
chuige ann a raibh deamhan.
33 Agus tar éis an deamhuin do
theilgean a mach, do labhair an balbh-
án, & do ghabh iongantas an pubal, ag
rádh, Ní facas a leithéide so a Nios-
ráel ríamh.
34 Achd a dubhradar na Phairisinigh,
Tre phrionnsa na ndeamhan theilgeas
sé a mach na deamhain.
35 Agus do ghabh Iósa timcheall
gach uile chathrach agus bhaile, ag tea-
gasg ann a sionagógaibh, agus ag sean-
móir shoisgéil na ríoghachda, agus a
slánughadh gach uile easláinte agus éag-
cruáis a measg an phubáil.
36 Agus an tan do chunairc sé an
slúagh, do ghabh truáighe ghér dhoibh
é, ar son go rabhadar curtha, ar na leath-
nughadh & ar na sgaradh, mar cháorcha
ag nach bhfuil tréadaighe.
37 A deir sé an tansoin re na dheis-
gioblaibh, Go deimhin is mór an fógh-
mhar, agus is beag an luchd oibre.
38 Uime sin, guidhidh Tighearna an
fhóghmhair, luchd oibre do chur a
mach chum a fhóghmhair féin.

CAIB. X.

Gairm, 5 múnadh, 16 & comhfhurtacht an dá Dhisciobail déag.

AGus ar ngairm a dhá dheisgiobal
dég, tug sé cumhachda dhóibh a
naghaidh na spiorad neamhghlan, do
chum go tteilgfeidís a mach iad, agus
go sláneochaidís gach uile easláinte agus
éagcrúas.
2 Agus a siad so anmanna an dá
easbal déug : an chéadduine [dhíobh]
Síomón da ngoirthear Peadar, agus
Aindrías a dhearbhráthair, Séumas
mhac Sebedé, agus Eóin a dhearbhra-
thair.
3 Philip agus Bartalomeus, Tomás
agus Matha fear cruinnighthe an
chusduim, Séumus mhac Alpheus agus
Lebéus, dara comhainm Tadéus.
4 Siomòn ó Chánaan, agus Júdas Iscari-
ótes, an té fós do bhraith eisean.
5 Do chuir Iósa an da fhear dhéugso
a mach, a tabhairt aitheantadh dhóibh
ag rádh, Na gabhaidh go slighe na gcin-
eadhach, agus na heirghigh a sdeach
a gcathuir na Samaritánach.
6 Achd go madh táosga rachtáoi
chum cáorach thighe Israel atá ar ndul
a mugha.
7 Agus ar nimtheachd dháoibh, déu-
nuidh seanmóir ag radh, Do dhruid
ríoghachd neimhe [ribh.]
8 Slánaighidh na daóine éugcrúaidhe,
glanaigh na lobhair, dúisgidh na mairbh,
teilgidh a mach na deamhain. A naisgidh
fúarabhair, tabhruidh uáibh a naisgidh.
9 Ná soláthruigh ór, na airgead, na
umha in bhur gcreasaibh,
10 Ná mala chum na slígheadh, na
dhá chóta, na bróga, na bata : óir is
fíu an fear oibre a chuid [dfhaghail.]
11 Achd giodh bé ar bith cathair, nó
baile ann a rachuidhe a sdeach, fiafrui-
ghidh cía bhias deangmhalta innte, &
fanaidh

sanaidh ann ſin, nó go bhfágtháoi [í.]
12 Agus ar ndul a ſdeach don tigh
dháoibh, beannuighidh dhó.
13 Agus mas fíu an tighſin é, go
b hfoghnuigh bhur mbeannughadh dhó:
Agus muna fíu, go bhfillidh bhur mbean-
nughadh chugaibh féin a rís.
14 Agus giodh bé neach nach géubh-
aidh ſibhſi, agus nach éiſdfidh bhur
mbriathra, ar ndul a mach as an teagh,
nó as an gcathruighſin dibh, craithidh
[dhíbh] lúaithreadh bhur gcos.
15 A deirim ribh go deimhin, go
madh ſocamhluidhe do thalamh luchd
Shodóm, agus Ghomorra a ló an bhrei-
theamhnus, nó don chathruighſin,
16 Féuch, cuirimſe ſibhſe mar cháor-
chaibh a meaſg mhadradh állta: ar a
nadhbharſoin bidhidh glic mar na hai-
threacha neimhe, agus neamhurchóid-
each mar na colama.
17 Achd bídhidh ar bhur gcoimhéd ar
na dáoinibh: óir do bhéuraid ſíad a
láimh ſibh do chomhairleachaibh, agus
ſgiursfuid ſibh ann a ſíonagógaibh.
18 Agus fós béarthar ſibh chum
úachdarán agus chum rioghtheadh ar
mo ſhonſa, mar fhinné dhóibhſean
agus do na cineadhachuibh.
19 Achd an tan do bhéaraid ſíad
úatha a láimh ſibh, na bíodh na ro-
chás oruibh cionnas, no créd laibhéor-
tháoi, óir do bhéarthar dháoibh ar
a núairſin féin an ní laibhéortháoi.
20 Oir ní ſibhſi labhrus, achd ſpiorad
bhur nathar féin labhrus ionnaibh.
21 Agus do bhéaruidh an dearbhra-
thair a dhearbhrathair chum báis, agus
an tathair, an mac; agus éireochuidh
an chlann a naghuidh a naithreach, &
a maithreach, agus do bhéuraidh ſá
deara a gcur chum báis.
22 Agus biaidh fúath ag gach uile
dhuine dhíbh ar ſon mhanmaſa: achd
giodh bé fhuiléongas go dtí deireadh,
a ſé ſo ſhlainéochthar.
23 Agus an tan ghéarleanfuid ſíad
ſibh ſa ccathruighſi, teithidh go cath-
ruigh eile; oir go dearbhtha, a dei-
rimſi ribh, Nach géubhtháoi timcheall
chaithreach Iſrael ſuil thiocfas mac
an duine.
24 Ní bhfuil an deiſgiobal ós cionn
a mhaighiſdir, ná an ſearbhfhóghan-
tuighe ós cionn a thighearna.
25 As lór don deiſgiobal bheith mar
a mhaighiſdir, agus don tſhearbhfhogh-
antuidhe bheith mar a thighearna: má
ghoireadar Beelſébub dfhior an tighe,
a né nach mó ná ſin [ghoirfid é] dá
mhuinntir?
26 Ar a nadhbharſoin na bíodh a
neagla oraibh; óir ní bhfuil ní ar bith
folaighthe nach dtiocfuidh chum ſoillſi:
agus ní bhfhuil énní ar ceilt nach
aithéontar.
27 An ní a deirimſi ribh ann ſa dor-
chadus, abruidhſi é ann ſa tſolus: A-
gus an ní do chluinntí in bhar gcluais
foillſighe é air mhullach na dtigthe.
28 Agus na biodh oruibh eagla na
muinntire mharbhas an corp, agus leis
nach éidir an tanam do mharbhadh:
Achd go madh mó bhías eagla an tí
ud oraibh lenab éidir an corp agus an
tanam do mhilleadh a nifearn.
29 A né nach reacthar dhá gheal-
bhann ar fhéorling, agus ní thuitfidh
áon aca ar an dtalamh gan bhur
nathairſe?
30 Achd cheana atá grúag bhur gceinn-
ſe uile ar na comháireamh.
31 Ar a nádhbharſoin na biodh ea-
gla oraibh: is fearr ſibhſi ná mórán
gealbhann.
32 Ar a nadhbharſoin giodh bé aid-
mhéochas miſi a bhfiághnuiſi na ndáoine
aidmhéochuidh miſi eiſion a bhfía-
ghnuiſi mhathar atá ar neamh.
33 Agus gidh bé ſhéanfas miſi a
bhfiaghnuiſi na ndáoine, ſéanfuidh miſi
eiſean a bhfiaghnuiſi mhathar a tá
ar neamh.
34 Ná meaſaigh, go dtáinic miſi do
chur ſhíothchána ar an dtalamh: ní
do chur ſhiothchána tháinic mé, achd
do chur cloidhimh.
35 Oir tháinic mé do chur dhuine a
naghuidh a athar, agus na hinghine a
naghuidh a mathar, agus mná an mhic
a naghuidh mathar a céile.
36 Agus budh naimhde do dhuine a
luchd éintighe féin.
37 Agus giodh bé ghrádhuigheas a
athair, no a mhathair, ni is mó na miſi,
ní fiu é miſi: agus giodh bé ghradh-
uigheas a mhac nó a inghean ós mó
chionnſa, ní fiu é miſi.
38 Agus an tè nach glacann a chros,
agus nach leanann miſi, ní fiu é
miſi.
39 Giodh bé gheabhas a anam, caill-
fidh ſé é: agus giodh bé chaillſeas a
anam air mo ſhonſa, do gheabhaidh ſé é.
40 An té ghabhas ſibhſe chuige, ga-
bhaidh ſé miſi, agus giodh bé ghabhas
miſi, gabhuidh ſé an té do chuir úadh
mé.
41 An té ghabhas ſáidh a nainm
ſáidhe, do gheabhuidh ſé túaraſdal fhái-
dhe: agus giodh bé ghabhas fíréun a
nainm fhiréin, do gheabhaidh ſé túar-
aſdal fhíréunaigh.
42 Agus giodh bé bhéuras cupán
duiſge fhúar amháin re na ól déinneach
do na daóinibh beagaſa a nainm deiſ-
giobuil, a deirimſi ribh go fírinneach,
nach ccaillfidh ſé a lúaidheachd.

CAIB. XI.

Teachdaireacht Eoin go Híoſa. 20 *& ſear-*
moin ſhearbh do dhaoinibh doitheagaiſc,
28 *achd mhuirneach, do niriſiol, umhal.*

AGus tárla a núair do chríochnuigh
Ióſa aitheanta do thabhairt dá dhá
dheiſgiobal déug, gur imthigh ſé as ſin
do ſheanmóir, agus do theagaſg ann a
gcaithreachuibh ſúd. 2 Agus

2 Agus an tan do chúalaigh Eóin ann
a phriosún gníomhartha Chriosd, ar
gcur deisi dá dheisgiobluibh úadh,
3 A dubhairt sé ris, An tusa an té
úd do bhí chum teachda, nó an mbia
súil againn réd atharrach ?
4 Agus ar bhfreagra Díosa a dubh-
airt sé ríu, Imthighidh & innisigh Déoin
na néithe do chluinntí & do chithí :
5 Do gheibhid na doill radharc, agus
siobhluid na bacaigh, glantar na lobhair,
agus do chluinid na bodhair, dúisgthear
na máirbh, agus a tá an soisgéul dá
fheanmóir do na bochdaibh.
6 Agus is beannuighthe an té nach
bhfuighe scandail ionnamsa.
7 Agus ar niomtheachd dóibhsion, do
thionnsgain Iósa teachd thar Eóin ris an
gcoimhthionól, [ag rádh] Créd é an ní
agá ndeachabhair a mach san fhásach
dá fhéachain ? an giolcach dá bhogadh
ag an ngáoith ?
8 Achd créd é an ní agá ndeachabh-
air a mach dá fhéuchuin ? duine a tá ar
na éadughadh re héaduighibh míne ?
Féuch, an mhuinntir chuireas éaduighe
míne iompa, is a dtighthibh na rìogh-
theadh bhíd siad.
9 Achd créd é an ní ag a ndeachabhair
a mach dá fhéuchain ? fáidh ? a deirim
ribh go deimhin, & ní as mó ná fáidh :
10 Oír a sé so an té air a sgriobhthar ;
Féuch, cuirimsi mo theachdaire romh-
ad, neach uiílmhéochas do shlighe ro-
mhad.
11 A deirim ribh go fírinneach, nach
ar éirghidh eidir chlannaibh na mban
neach is mó ná Eoin baisde : achd cheana
giodh bhé is lugha ann sa rioghachd
neamhdha, is mo é ná eisean.
12 Agus ó láethibh Eóin baisde gus
a nois a tá foiréigean dá dhéanamh ar
an rioghachd neamhdha, agus fúadui-
ghid luchd an fhoiréigin í.
13 Oír do rinneadar na fáighe uile
agus an dligheadh fáigheadóireachd go
Héoin.
14 Agus mas toil libh a ghabháil, sé
so Elias do bhí chum teachda.
15 Giodh bé agá bhfuil clúasa chum
éisdeachda, éisdeadh sé.
16 Achd cía lé a samhlóchuidh mé an
geinealachso ? is cosmhail é ré garlachuibh
shuigheas ar na marguidhibh, agus eimh-
gheas ar a gcompánachoibh,
17 Agus a deir, Do rinneamar céol
dáoibh, agus ní dhearnámhair dámhsa :
do cháoineamar dháoibh, agus ní dhear-
namhair gul.
18 Oir tháinic Eóin, ní ag ithe ná ag
ól, & a deirid siad A tá deamhan ann.
19 Tháinic mac an duine ag ithe agus
ag ól, agus a deirid, Féuch, an duine
cráosach agus pótaire fíona, cara na
bpuibliocánach agus na bpeacthach :
gidheadh a tá an gliocas ar na sáoradh
ó na cloinn féin.
20 Do thionnsgain sé an tansoin mill-
eán do thabhairt do na cathrachaibh ann
ar soillsigheadh mórán dá shubhailcidh-
ibh, ar son nach dearnadar aithrighe.
21 Is anáoibhinn duit a Chorasin,
is anáoibhinn duit a Bheitsáida : óir dá
madh a Ttírus & a Sidon do dhéan-
tuidhe na míorbhuile do rinneadh ion-
naibhsi, is fada ó shoin do dhéindís
aithrighe a néadach róin & a luaith.
22 Achd cheana a deirimsi ribh, Go
madh socamhluighe do Thírus & do
Shidon a ló an bhreitheamhnus, ná
dháoibhsi.
23 Agus tusa a Chapernáum, a tá ar
do thógbháil súas go neamh, téilg-
fidhthear síos go hifearnn thú, óir dá
madh a measgluchd Shodoim do dhéan-
tuidhe na míorbhuile do rinneadh ion-
natsa, do anfaidís [gan sgrios] gus a níu.
24 Achd cheana a deirimsi ribh, Go
madh socamhluighe do dhuthaidh luchd
Shodoim a ló an bhreitheamhnuis, ná
dhuitsi.
25 Do fhreagair Iósa a nuáirsin &
a dubhairt sé, Do bheirim buidheachas
dhuit, a athair, a Thighearna neimhe &
talmhan, ar son gur fholuigh tú na nei-
these ó dhaoinibh eagnuidhe & tuigsea-
nacha, & gur nocht tú íad do leanbaibh.
26 A seadh athair, do bhríogh gur ab
mar sin do bhí do dheaghthoilse.
27 A tá gach uile ní ar na thabhairt
dhamhsa ó máthair : & ní háithnidh
déinneach an mac achd do náthair : &
ní háithnidh deinneach an tathuir achd
don mhac, & dá gach áon dár ab áill
leis an mac a fhoillsiughadh.
28 Tigidh chugamsa uile a bhfuiltí
tuirseach, agus sa anúalach, & do bhéa-
raidh mé súaradh dháoibh.
29 Tógbhuidh mo chuingsi oraibh, &
foghlamuigh úaim, óir a táim ceannsai-
ghe & umhal a gcroidhe : & do gheabh-
tháoi súaimhneas dá bhur nanmaibh.
30 Oir a tá mo chuingsi sóiomchuir,
& a tá múalach éadtrom.

CAIB. XII.

Gur fearr tròcaire no íodhbhairt, 22 gur chuir Críosd anaghaidh na ndeamhan, mar fhúath riu, 31 & gur ro bhaoghlach bith tarcuisneach ar an Spiorad naoimh.

DO chuáidh Iósa fá námsoin an sá
tsáoire thríd na gortaibh : & do
bhí ocaras air a dheisgiobluibh, & do
thionnsgnadar déasach do bhúain, &
a nithe.
2 Agus an tan do choncadar na Pháir-
isínigh so, a dubhradar risean, Féuch,
do ní do dheisgiobail ní nach cóir do
dhéanamh ann sa tsáoire.
3 Agus a dubhairt leision ríu, A né
nár léaghabhair créd do rinne Dáibhí
an tan do bhí ocaras air féin, & ar
an muinntir do bhí ná fharradh ?
4 Ciondas do chúaidh sé a sdeach go
tigh Dé, & do ith sé aráin ná híodh-
bartha, nár cheaduighteach dhó féin, ná
don

don droing do bhí na fhochair dithe,
achd do na sagartaibh a mháin?
5 Nó a né nar léaghabhair ann sa
dligheadh, go mbrisid na sagairt ann
sa tteampoll an tsáoire lá na sabboide,
agus go bhfuilid neimhchiontach?
6 Achd a deirim ribh, Go bhfuil
neach is mó na an teampoll ann so.
7 Agus da mbeith a fhios agaibh créd
is ciall dó so, Is trócaire is aill leam
agus ní hiodhbairt, ní dhaimneochadh
sibh na daóine neimhchionntacha.
8 Oir a sé mac an duine Tighearna na
sabbaide féin.
9 Agus tar éis imtheachda as sin dó,
táinic sé dá sionagóig súd.
10 Agus Féuch, do bhí duine ann ag
a raibh lamh sheargthuighe: agus do
fhiosruigheadar dhe, ag rádh, An cea-
duightheach leigheas do dhéanamh ann-
sa tsáoire.
11 Achd a dubhairt seisean ríu, Cia
agaibhsi duine agá mbiadh áoncháora a
mháin, agus dá dtuiteadh sí air an
tsáoire a bpoll, nach béaradh uirrthe,
agus nach dtóigeabhadh a niós í?
12 A né nach mór is fearr duine na
ciora? ar a nadhbharsoin is ceaduigh-
theach maith do dhéanamh air an
tsáoire.
13 Ann sin a deir seisean ris an duine
agá raibh an lámh sheargthuighe, Sín a
mach do lámh, & do shín: & do bhí sí
ar na haiseag slán mar an láimh eile.
14 Agus ar ndul a mach do na Phairi-
sineachaibh, do chúadar a gcomhairle na
aghaidhsean, do chum go millfidis é.
15 Agus an tan do aithin Iosa so, do
imthigh sé as sin, agus do lean slúagh
mór é, agus do shlánaigh sé iad uile.
16 Agus do rinne sé bagar orrtha do
chum nach déanaidis follus é.
17 Do chum go gcoimhlionfuidhthe an
ní a dubhradh tré Esaias faidh, a deir:
18 Féuch mo shéarbhfhoghantuidhe
féin, do thogh mé, mo ghradh féin dá
bhfuil toil mhór ag mhanam: cuirfidh
mé mo spiorad féin air, & inneósuidh sé
breitheamhnus do na cineadhachaibh.
19 Ní dhéanaidh sé ceannairc, ní
dhéanaidh sé éimhghe, agus ní chluinfidh
neach ar bith a ghuth air na sráidibh.
20 Ní bhrisfidh sé giolcach bruite,
agus ní mhúchaidh sé líon do ní deat-
ach, nó go dtuguidh sé breitheamhnus
chum buadha:
21 Agus is ann a ainmsean bhiás mui-
nidhin ag na cineadhachuibh.
22 Tugadh chuige an tansoin duine
ann a raibh deamhan, do bhí dall, agus
balbh: agus do shlánaigh sé é, ionnus
gur labhair an balbhán, agus go
bhfacuidh an dall.
23 Agus do ghabh iongantus an pu-
bal uile, agus a dubhradar, A né nach
é so Criósd mac Dháibhí?
24 Agus an tan do chúaladar na Phai-
risínigh [so,] a dubhradar, Ní theilg-
eann an fear so na deamhain amach, achd
tré Bheilzebub prionnsa na ndeamhan.
25 Achd an tan do aithin Iosa a smú-
aintighthe, a dubhairt sé riu, Gach rio-
ghachd atá roinnte na haghaigh féin,
biaidh sí na fásach: agus gach uile
chathair, nó theagh, a tá roinnte na
aghaidh féin, ní sheasfuidh sé.
26 Agus ma theilgeann diabhal, di-
abhal a mach, a tá sé roinnte na agh-
aidh féin: ar a nadhbharsoin cionnus
anfus a rioghachd na seasamh?
27 Agus mas le cumhachdaibh Bheil-
sebub theilgimsi a mach na deamhain,
cia lé a dteilgid bhur gclannsi a mach
[iad]? air a nadhbharsoin béid siadsan
na mbreitheamhuin oraibhse.
28 Achd más le spioruid Dé theilgimsi
a mach na deamhain, tháinic riogh-
achd Dé chugaibhsi go deimhin.
29 No cionnas is éidir le héinneach
dul go tigh dhuine láidir, & a airnéis
tighe dfúadach leis, muna gceangluidh
sé ar tús an duine láidir, agus ann sin
sladfuidhe sé a thigh.
30 Giodh bé nach bhfuil leamsa, a tá
sé a mághaidh: agus giodh bé nach
ccruinnigheann leamsa, scabuighe sé.
31 Air a nadhbharsoin a deirim ribh,
Go maithfidhthear gach peacadh agus
gach blasphéime do na dáoinibh: gidh-
eadh ní maithfidhthear do na dáoinibh,
blaisphéime a naghaidh an spiorad
naóimh.
32 Agus giodh bé neach a déaraidh
focal a naghaidh mhic an duine, maith-
fidhthear dhó é: achd giodh bé neach
laibhéoras a naghaidh an spiorad naóimh,
ní maithfidhthear dhó é ann sa tsháogh-
alsó, ná ann sa tsáoghal a tá a teachd.
33 Ceachdar do dhá ní, déanaidh an
crann maith, & a thoradh maith: nó
déanaidh an crann lobhtha agus a
thoradh lobhtha: óir is as a thoradh
aithéantar an crann.
34 A shliochd na naithreach neimhe,
cionnas is éidir libh neithe maithe do la-
bhairt, ó a tá sibh féin go holc? óir is
as anlán an chróidhe labhrus an béul.
35 Do bheir an duine maith neithe
maithe as cilde maith a chroidhe: agus
do bheir an drochdhuine droichneithe
as a dhroichchilde.
36 Achd a deirim ribh, Go dtiobhraid
na dáoine cúntas úatha lá an bhreith-
eamhnuis ar son gach aóinbhreithre
díomhaóinighe dá laibhéoraid siad.
37 Oir is as do bhriathruibh sháor-
fuidhthear thú, agus is as do bhriath-
ruibh daiméontar thú.
38 Ann sin do fhreagradar dream do
na Sgríobuidhibh agus do na Phairisín-
eachaibh, ag rádh, A Mhaighistir is
mían linn comhartha dfaicsin úait.
39 Achd ar bhfreagra dhósan, a dú-
bhairt sé riu; Jarruidh an geinealach
olc agus adhaltrannach comhartha: agus
ní tiobharthar comhartha dhóibh, achd
an

an comhartha úd Iónás an faidh.
40 Oír mar do bhí Iónás a mbroinn
an mhíl mhoir trí lá agus trí hoidhche,
is mar ſin bhías mac an duine a
gcroidhe na talmhan trí lá agus trí
hoidhche.
41 Eiréochaidh luchd Niniué a mbrei-
theamhnus leis an ngeinealachſo, agus
daimnéochaid ſiad é: oír do rinnea-
darſan aithrigh ag ſeanmoir Iónás:
agus féuch a tá neach is mó ná Iónás
ann ſo.
42 Eireochuidh bainríoghan an táoibhe
bhudh dheas a mbreitheamhnus leis
an ngeinealachſo, agus daimnéochuidh
ſi é: óir tainic ſiſi ó leithimea-
luibh na talmhan déiſdeachd re heagna
Sholaimh: agus féuch, a tá neach as mó
ná Solamh ann ſo.
43 Achd cheana tar éis dul don
ſpioraid neamhghlain as an duine a-
mach, ſiobhluidh ſe trí ionadaibh tior-
ma, ag iárraidh ſuáimhnis: agus ní
fhaghann.
44 A deir ſé an tanſoin, Fillfidh mé
dom thigh féin, as a ttainic mé. Agus
tar éis teachda dhó, do gheibh ſé fo-
lumh, ſguábtha, deaghmhaiſeach é.
45 Imthighidh ſé an tanſoin, agus do
bheir ſé ſeachd ſpioraide eile is meaſa
ná é féin leis: agus ar ndul a ſdeach
áitrighid ſiad ann ſin, agus is meaſa
críoch dheigheanach an duine úd ná a
thoſach: agus is mar ſin teigeamhas don
droichgheinealachſo.
46 Agus ar mbeith dhó fós ag labhairt
ris an bpubal, féuch do ſheaſadar a mha-
thair, & a dhearbhraithreacha a muigh
ag iárruidh labhartha ris.
47 Agus a dubhairt neach eigin ris,
Féuch, a tá do mhathair agus do dhear-
bhraithreacha na ſeaſamh a muigh ag
iarraidh labhartha riot.
48 Agus ar bhfreagra dhóſan a du
bhairt ſé ris an té do innis [ſo] dhó,
Cia hí mo mhathair, agus cia hiad mo
dhearbhraithreacha?
49 Agus ar ſíneadh a láimhe chum a
dheiſciobal dó, a dubháirt ſé, Féuch mo
mhathairſi, & mo dhearbhraithreacha.
50 Oir giodh bé neach do dhéanaidh
toil matharſa a tá air neamh, a ſé ſo
mo dhearbhrathairſi, & mo dheirbhſhiur,
agus mo mhathair.

CAIB. XIII.

*Seanmóir um an tſioladóir, 18 ar na foilſiu-
ghadh; 53 do Íoſa ſa neimhchion, amháin
ag muintir a thír féin.*

AGus ar nimtheachd Díoſa a mach as
an dteach an láſoin do ſhuigh ſé
láimh ris an bhfairge.
2 Agus do chruinnigheadar ſluaighthe
móra chuige, ionnas ar ndul a ſdeach a
luing gur ſhuidh ſé: agus do ſheas an
ſlúagh uile ar an dtráigh.
3 Agus do labhair ſé móran ríu a
gcoſamhlachduibh, ag rádh, Féuch, do
chuaidh ſioladóir a mach do chur ſhíl:
4 Agus ag cur an tſíl dó, do thuit cuid
dhe chois na ſligheadh: agus tangadar
a néanlaith, agus a dúadar é.
5 Agus do thuit cuid eile dhe a bhfea-
ran chlochach mar nach raibh mórán
úire aige: & do fhás ſé go lúath do bhrígh
nach bhfúair ſé doimhneachd na talmhan.
6 Agus ar néirghe don ghréin do
dóidheadh é, & ar ſon nach raibh
fréumh aige, do ſhearg ſé.
7 Agus do thuit cuid eile dhe eidir
mhuineach, agus do éirghe an muineach
ſúas, agus do mhúch ſé é.
8 Agus do thuit cuid eile dhe a dta-
lamh mhaith, agus tug ſé toradh, cuid
céud, agus cuid trí fichid, águs cuid eile
a deich fichead.
9 Gidh bé agá bhfuilid clúaſa chum
éiſdeachda, éiſdeagh ſé.
10 Agus tangadar a dheiſciobuil chuige
agus a dubhradar ris: Créd fa labhrann
tú ríu a gcoſamhlachduibh?
11 Agus ar bhfreagra dhóſan a du-
bhairt ſé ríu, Do bhrígh gur ab daóibhſi
tugadh fios rúindiomhra na ríoghachda
neamhdha do bheith agaibh, agus níor
tugadh dhóibhſean é.
12 Oír giodh bé neach agá bhfuil [ní],
is dó do bhéarthar, & biaidh go léor aige:
achd giodh bé neach a tá gan ni, toig-
éabhthar úadh fós an ní a tá aige.
13 Air a nadhbharſoin labhraim ríu a
gcoſamhlachdaibh, óir giodh a tá radharc
aca ní fhaicid ſiad, agus giodh a tá éiſ-
deachd aca, ní chluinid ſiad, agus ní
thuigid ſiad.
14 Agus cóimhlíontar ionnta fáigh-
eadóireachd Eſaiás, a deir, Le héiſ-
deachd do chluinfidhe, & ní thuigfidhe:
agus ag amharc do chífidhe, agus ní
budh léir dhaóibh.
15 Oír a tá croidhe an phubuilſi ar
na reamhrughadh, agus do chúaladar go
bodhar lé na gclúaſaibh, agus do chaó-
chadar a ſúile, deagla go bhfaicfidis lé na
ſúilibh, agus go gcluinfidis lé na
gclúaſaibh, agus go dtuigfidis lé na
gcroidhe, águs go bhfillfidis, agus go
leighéoſuinnſe iad.
16 Achd as beannaighthe bhur ſúileſi,
do bhrígh go bhfaicid ſiad, agus bhur
gclúaſa, do bhrígh go gcluinid ſiad.
17 Oír a deirimſi ribh go fírinneach,
Gur ab iomdha fáidhe & ſíréanuigh lé ar
mbian na neitheſi do chíthiſi dfhaicſin,
agus ni fhacadar; & na neithe do chluin-
tí do chloiſdin, agus ní chúaladar.
18 Air a nadhbharſoin éiſdigh ré coſ-
amhlachd an tſioladóra.
19 Coimhmionca agus éiſdeas duine
bríathar na ríoghachda, agus nach dtui-
geann ſé é, tig an droichſpiorad, agus
ſúaduighe ſé an ní do cuireadh ann a
chroidhe: ag ſo an duine úd ann ar cui-
readh an ſíol chois na ſligheadh.
20 Agus an té úd ann ar cuireadh an
ſíol a bhfearann chlochach, a ſé ſúd an
té do chluin an bhríathar, agus ghabhas

chuige

chuige é do láthair maille re gáirdea-
chas.
21 Achd ní bhfuil fréamh aige ann féin,
achd fanuidh sé ar feadh tamaill : agus
an tan thig triobulóid nó búaidhreadh ar
son na bréithre, air ball do gheibh sé oil-
bhéim.
22 Agus an neach úd ann ar cuireadh
an siol a measg an mhuinigh, ag so an
té do chluin an bhriathar : & múchaidh
róchúram an tsaoghailsi, & mealltói-
reachd an tsaidhbhris an bhriathar, agus
bi sé gan toradh.
23 Agus an té úd ann ar cuireadh an
siol a bhfearann maith, a sé so an té do
chluin agus thuigeas an bhriathar, agus
iomchras toradh, agus do bheir cuid
céad, cuid trí fichid, agus cuid eile a
deich fichead.
24 Do chuir sé cosamhlachd eile chu-
ca, ag rádh, Is cosmhail ríoghachd
neimhe ré duine do chuir siol maith ann
a fhearann.
25 Agus an tan do bhádar dáoine na
gcodladh, táinic a námhaid agus do
chuir sé cogal thríd an gcruithneachd,
agus do imthigh sé roimhe.
26 Agus an tan do fhás an geamhar,
agus tug sé a thoradh, ann sin do fhoill-
sigh an cogal é féin.
27 Achd ar dteachd do shearbhfhó-
ghantaóibh fhir an tighe, a dubhradar
ris : A thighearna, a né nach siol maith
do chuir tú ann tfearann ? air a nadh-
bharsoin, cáit as a bhfaghann sé an cogal?
28 Agus a dubhairt seision ríu, Easg-
cara éigin do rinne so ; agus a dubhra-
dar na searbhfhóghantuidhe ris, A naill
leachd air a nadhbharsoin go ndeach-
máoilne & go gcruinneochamaois a bhfo-
chair a chéile iad ?
29 Agus a dubhairt seisean ríu, Ní
háill : air eagla ag cruinneaghadh an
chogail daóibh go mbeanfadh sibh an
chruithneachd as a fréumhaibh a naóin-
fheachd ris.
30 Fuilngidh dhóibh a ráon fás no
go dtí an fóghmhar, agus a naimsir an
fhóghmhair déara misi rém luchd búana,
Cruinnighidh ar tús an cogal, & ceang-
luidh é na phunnannaibh, do chum a
loisgthe, agus cruinnighidh an chruith-
neachd dom sgioból.
31 Do chuir sé cosamhlachd eile chuca
ag rádh : Is cosmhuil ríoghachd neimhe
ré gráinne musdaird do ghabh neach
chuige, agus do chuir sé ann a fhearann.
32 A sé go deimhin as lugha do na
huile shíoltuibh : gidheadh an tan fhásas
sé, a sé is mó do na luibheannaibh, & do
nithear crann de : ionnas go ttigid éan-
laith a naiéir, & go ndéanaid a nid ann
a ghéagaibh.
33 Do labhair sé cosamhlachd eile ríu :
as cosmhail ríoghachd neimhe ré laibhín
do ghlac bean, & do fholaigh sí a dtrí
pheice mine, nó gur ghabh an tiomlán
laibhín.
34 Do labhair Íósa na neithesi uile ris
an bpubal a gcosamhlachdaibh : & níor
labhair sé ríu achd a gcosamhlachdaibh.
35 Do chum go gcoimhlíonfuidhthe an
ní a dubhradh leis an bhfáidh, a deir,
Oisgéoluidh mé mo bhéul tré chosamh-
lachdaibh : nochdfuidh mé na neithe a tá
foluighthe ó thosach an domhain.
36 Air léigean an tsluáigh úadh an
tansoin, táinic Íósa a sdeach a dtigh : &
tangadar a dheisciobail chuige, ag rádh :
Mínigh dhúinne cosamhlachd chogail an
fhearainn.
37 Agus ar bhfreagra dhósan, a du-
bhairt sé ríu, An té chuireas an siol
maith, a sé mac an duine é.
38 Agus a sé an fearann an domh-
an, agus a sé an siol maith, clann na
ríoghachda : agus a sé an cogal, clann
an droichspioraid.
39 Agus an námhaid do chuir é, a sé
an diabhal é : agus a sé an fóghmhar,
deireadh an tsaoghail, agus a siad na
búanuidhe, na haingil.
40 Agus amhail mar chruinnighthear an
cogal, & loisgthear é lé teinidh : is mar
sin bhias a ndeireadh an tsaoghailsi.
41 Cuirfidh mac an duine a aingil
féin, agus cruinneochuid siad as a ríogh-
achd gach uile scandail, agus an dream
do ní éagcóir :
42 Agus teilgfid iad a núamhain air
deargladadh : mar a mbia gul agus
giosgán fiácal.
43 Soillséochaid na fíréanaigh an
tansoin mar an ngréin, a ríoghachd a
nathar féin ; giodh bé agá bhfuilid clúasa
chum eisdeachda, éisdeagh sé.
44 Mar an gcéudna, is cosmhail río-
ghachd neimhe lé cisde ar na fholach a
bhfearann : noch tar éis a fhaghála do
fholuigh duine, agus tríd an ngáirdea-
chus do bhí air ar a shon, imthighidh sé
agus reacaidh sé a bhfuil aige uile, agus
ceannuidh sé an fearannsoin.
45 A rís is cosmhail ríoghachd neimhe le
ceannuighe áirighthe, iárras clocha úaisle.
46 Agus ar bhfaghail áon neamhnaide
mhórlúaighe dhó, do imthigh sé agus
do reac sé a raibh aige uile, agus do
cheannaigh sé í.
47 A rís is cosmhail ríoghachd neimhe
ré líon ar na theilgean ann sa bhfairge, &
chruinnigheas da gach uile shórt [éisg :]
48 Noch an tan do líonadh, do thairrn-
geadar na [hiasgairighe] chum na trágha
& ar suidhe dhóibh, do chruinnigheadar
na héisg mhaithe a soithighibh, achd
do theilgeadar na droichéisg amach.
49 Is mar sin bhias a ndeireadh an
tsaoghail : rachaid na haingil a mach,
agus dealóchuid na drochdháoine as lár
na bhfíréanach.
50 Agus teilgfid iad a núamháin
theineadh : mar a mbiá gul agus giosgán
fiácal.
51 A deir Íósa ríu, Nar thuigeabhair
na neithese uile ? a deiridsion ris, Do
thuigeamar, A thighearna.
52 Agus

52 Agus a dubhairt seisean ríu, Ar a
nadh bharsoin gach uile Sgrioba atá fógh-
lomtha chum na ríoghachda neamhdha,
is cosmhail é ré fear tighe, do bheir
as a chisde neithe núadha & sean.
53 Agus an tan do chríochnáigh
Iósa na cosamhlachdasa, tárla dhó, gur
fhágaibh sé a náitsin.
54 Agus an tan tháinic sé dá dhuth-
aidh féin: do theagaisg sé iad ann a
Sionagoig: ionnas gur ghabh iongnadh
mór iad, & go ndubhradar, Cáit a
bfhúair an fearso a neagnaso, & ná
subhailce.
55 A né nach é so mac an tsaoir?
a né nach dá mbathair ghoirthear Mui-
re, a né nach iad a dhearbhraithrea-
cha Séumas, & Jóses, & Simon, & Júdas?
56 Agus a né nach bhfuilid a dheirbh-
fheathracha uile éadruinne? air a nadh-
bharsóin cáit ann a bhfúair sé iad so uile?
57 Agus fúarardar óilbhéim annsan:
achd a dubhairt Iósa ríu, Ní bhfuil
faidh fá neimhchion, achd ann a dhuth-
aidh féin, & ann a thigh féin.
58 Agus ní dhearnuidh sé mórán mior-
bhuileadh ann sin air son a míchiredimh.

C A I B. XIV.

Baramhail Joruaith ar Iosa, 3 *Di-cheannadh Eoin Bhaisde arson a cheart-theagaisc,* 15 *& tuille miorbhuilte Chriosd.*

FA a námsoin, do chúalaidh Jór-
úaith an Téatrarca clú Jósa.
2 Agus a dúbhairt sé ré na fhearbh-
fhóghantuidhibh, A sé so Eóin baisde:
déirigh sé ó mharbhaibh, & is dá bhrigh
sin a táid subhailcighe ag oibreaghadh
ann.
3 Oír do ghlac Jorúaith Eóin, &
do cheangáil sé é, & do théilg sé a
bpriosún é ar son Heródias, mhna Phi-
lib a dhearbhráthar féin.
4 Oír a dubhairt Eóin ris, Ní dligh-
theach dhuit a beith agad.
5 Agus an tan do budh mían leis a
chur chum báis, do bhí eagla an phu-
bail air, óir do bhí meas fáidhe aca
air [Eóin.]
6 Agus an tan do bhí sóllamain an láoi
ann a rugadh Jorúaith, dá dhéanamh,
do rinne inghean Heródias damhsa ná
bhfiadhnuisi: & do thaitin sí ré Hior-
úaith:
7 Ionnas gur gheall sé maille lé mion-
naibh go dtiobhradh sé dhí giodh bé
ar bhith ní do iarrfadh sí.
8 Agus air bhfagháil teagaisg ó ná ma-
thair dhisi, a dubhairt sí, Tabhair dhamh
ann so ceann Eóin baisde air mhéis.
9 Agus do ghabh doilgheas an Rí: achd
ar son a mhionn & ná muintire do bhí
na suidhe ná chuibhreann, do áithin sé
a thabhairt [di.]
10 Agus ar gcur [fhir dícheanta] úadh,
do bhean sé a cheann Déoin ann sa
phriosún.
11 Agus tugadh a cheann air mhéis,
& tugadh don chailín é, & tug sisi dá
mathair é.
12 Agus tangadar a dheisciobáil an
tansoin, & rugadar a chorp léo, & do
adhlacadar é, & tangadar & do inni-
seadar [sin] Díosa;
13 Agus an tan do chúalaidh Jósa so,
do chúaidh sé as sin a luing a nionad
fhásamhail air leith: & an tan do chúa-
laidh an pubal sin, do leanadar dá
gcois é só na caithreachaibh.
14 Agus ar ndul a mach Díosa, do
chonnairc sé coimhthionól mór, & do
ghabh trúaighe mhor dhóibh é, & do
shlánaigh sé a ndáoine easlána.
15 Agus an tan tháinic deireadh an láoi,
tangadar a dheisciobuil chuige, ag rádh,
Ait fhásamhail so, & do chúaidh a na m-
fear tharainn cheana: léig úait an slúagh,
do chum go niméochaidis do na bailtibh,
& go gceannochaidis biadh dhóibh féin.
16 Achd a dubhairt Jósa ríu, Ní rigid
siad a leas imtheachd: tabhruidhsi
dhóibh ní lé na ithe.
17 Agus a dubhradarsan ris, Ní bhfuil
againn ann so ach cúig arain & dá iasg.
18 Achd a dubhairt seisean ríu, Tabh-
raidh chugamsa iad ann so.
19 Agus ar na áithne don phubal sui-
dhe air an bhféur, & ar nglacadh ná
gcúig narán & an dá iasg, ag féachain
súas air neamh, do bheannaigh sé, &
ar ná mbriseadh tug sé ná harain do ná
deisciobláibh, & [tugadar] ná deisciobail
don tslúagh [iad.]
20 Agus a dúadar uile [ni,] & do sá-
suigheadh iad; & do thógbhadar lán
dhá chliabh dhég don bhíadh bhrisde do
bhí dfoigheall aca.
21 Agus an mhuinntir do bhí ag ithe,
do bhádar a dtimcheall chúig mhíle fear,
leith a muigh do mhnáibh & do lean-
baibh.
22 Agus air ball do chuir Jósa dfhia-
chaibh ar a dheisciobluibh dhul a
luing & dul roimhe féin don táoibh oile,
no go léigeadh sé an pubal úadh.
23 Agus an tan do léig sé an pubal úadh,
do chúaidh sé súas air shliabh ná áonar
do dhéanamh urnuighthe, & an tan do
bhí deireadh an láoi ann, do bhí sé
an sin ná áonar.
24 Agus do bhí an long fá a námsoin
a meadhón ná fairge, dá teilgean a
nunn & a nall ag na tonnaibh: óir
do bhí an ghaoth na naghaidh.
25 Agus a gcionn an ceathramhadh
faire do noidhche do chúaidh Iósa na
nionnsaidh ag siobhal air an bhfairge.
26 Agus an tan do chunncadar a dheis-
ciobail é ag siobhal air an bhfairge, do
bhádar air na mbuaidhreadh, ag rádh, Is
gósda é: & do éimhgheadar lé heagla.
27 Agus do labhair Jósa ríu air an mball
ag rádh, Bíodh meisneach maith agaibh:
is misi a tá ann, ná bíodh eagla oraibh.
28 Agus tug Peadar freagra air, & a
dubhairt sé, a Thighearna, mas tú atá ann
áithin díomsa dul ad choinne air na
huisgidhibh.

29 Agus a dubhairt seisean, Tárr: &
an tan do chúaidh Peadar sios as a
luing do shiobhail sé ar na huisgidhibh,do
chum teachd go Hiósa.
30 Achd an tan do chonnairc sé an
ghaoth láidir, do ghabh eagla é: agus a
núair do thionnsgain sé dul a nìochdar,
do sgread sé, ag rádh,A thighearna, fóir
orum.
31 Agus ar sineadh a láimhe ar an
mball Diósa, rug sé air, agus a deir sé
ris, A fhir an chreidimh bhig, créd
far ghabh cuntabhairt thú.
32 Agus an tan do chúadar a sdeach
ann sa luing, do choisg an gháoth.
33 Agus tangadar an luchd do bhí sa
luing, agus donóruigheadar é, ag rádh,
Go firinneach is tusa mac Dé.
34 Agus an tan do chúadar tar
uisge, taugadar go talamh Genesaret.
35 Agus an tan do aithnidheadar
luchd na háitesin é, do chuireadar sios
air feadh na tíresin uile ar gach táobh
dhíobh: agus tugadar gach a raibh
easlán chuige.
36 Agus do chuireadar impidhe air,
go mbáinfidís lé himeal a éaduigh a-
mháin: agus an mbéid díobh do bhean,
do slánaigheadh íad.

CAIB. XV.

Gur bé peacadh do shalchas duine. 21 agus gu dfuáir greim dhaingion chreidimh na mná ó Chanaan, a biarratus di.

ANN sin tigid Sgríobuighe agus Phai-
risinigh ó Jerusalem go Hiósa, ag
rádh.
2 Créd fá a saruighid do dheisciobailsi
gnáthughadh na sinnsear? óir ní ionnluid
íad a lámha a núair ithid arán.
3 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt
sé ríu, Créd fá saruigheann sibhsi leis,
aithne Dé, lé bhur ngnáthughadh féin?
4 Oír tug Dia áithne, ag radh, Onó-
ruigh hathair agus do mhathair: Agus
giodh bé mhalluigheas a athair nó a
mhathair, cuirthear chum báis é.
5 Achd a dhearthaoisi giodh bé neach
a déara re na athair nó ré na mhathair,
gach tabhartus dá dtuguimsi uaim,
rachaidh sé a dtarbha dhuitsi: agus
ní onórfuidh sé a athair nó a mhathair.
6 Agus [mar sin] do chuireabhair
a neimhmbrigh aithne Dé tré bhur
ngnáthughadh féin.
7 A luchd an fhúarchrábhaidh, is
maith do rinne Esaias fáigheadóireachd
bhar dtimcheall, ag rádh.
8 Druididh an pubalsa leamsa lé
na mbéul, agus onóruighid me lé na
bpusuibh: achd cheana is fada
úaim atá a gcroidhe.
9 Achd is a ndiomháineas onóruighid
siad misi, ag teagasg aitheanta na
ndáoine mar theagasg.
10 Agus ar ngairm an tsloigh,
a dubhairt sé ríu, Eisdigh agus
tuigidh.
11 Ní hé an ní théid a sdeach ann sa
mbéul shaluigheas an duine, achd an ní
thig as an mbeul, a sé so shaluigheas an
duine.
12 Ann sin thangadar a dheiscio-
buil chuige, agus a dubhradar ris, A né
nach dtuigeann tú go bhfúaradar na
Pharisinigh do chuala an glórsa, oil-
bheim [ann?]
13 Agus ar bhfreagra dhósan, a
dubhairt sé, Gach uile phlanta nach ar
chuir mathair neamhdhasa, beanfuigh-
thear as a fhréamhach é.
14 Léigidh dhóibh féin: is éoluighthe
dalla a gcionn dall íad, agus ma thréo-
ruigheann dall dall éile, tuitfid a raon
sa díg.
15 Agus ar bhfreagra do Pheadar, a
dubhairt sé ris, Minigh dhúinne an
cholamhlachdsoin.
16 Agus a dubhairt Iósa, An bhfuiltí
leis fós ainbhfeasach?
17 A ne nach dtuigthísi fós, giodh
bé ní théid a sdeach ann sa mbéul, go
dtéid sé sa mbolg, agus go dteilgthear as
sin don chamra é?
18 Achd na neithe theid a mach as an
mbéal, is as an gcroidhe thigid siad, &
is siad sin shaluigheas an duine.
19 Oír is as an gcroidhe thigid na
drochsmuaintighthe, dúnmarbhadh, adh-
altrannas, striopachas, gaduidheachd
fiaghnuisighe bréige, blaisphemighe.
20 Is iadso na neithe shalchas an
duine: achd biadh dithe lé lámhuibh gan
ionnladh, ní shaluigheann sé an duine.
21 Agus ar ndul Diósa as sin, do
chúaidh sé go leithimlibh Thírus, agus
Shidon.
22 Agus féuch, táinic bean do Chá-
naan ó na criochaibh sin,agus do éigh sí
ag rádh ris, Déana trócaire oram A thi-
ghearna,a mhic Daibhi,a tá mhingheanar
na búaidhreadh go mor ó dheamhan.
23 Achd ní thug seisean freagra ar
bith uirthe, agus tangadar a dheiscio-
bail chuige, agus do iarradar air, ag
rádh, Cuir úainn í: óir a tá sí ag
eighmhe ar ndiaigh.
24 Agus ar bhfreagra dhósan, a
dubhairt sé, Níor cuireadh misi achd do
chum cáorach thighe Israel do chúaidh
ar seochrán.
25 Gidheadh táinic sisi agus do rinne
sí sléachdain dó, ag rádh, A thighearna
fóir orum.
26 Agus ar bhfreagra dhósan, a du-
bhairt sé, Ní cóir arán na cloinne do
ghlacadh, agus do theilgean chum na
ngadhar.
27 Achd a dubhairt sisi, Is fíor sin a
thighearna: gidheadh fós, ithid no coilén
cuid don fhrúighleach thuiteas ó bhórd
a dtighearnadh féin.
28 Ar bhfreagra Diósa an tansoin,
a dubhairt sé ria; O a bhean, is mór
do

do chreideamh, teagmhadh dhuit mar is
toil leachd: agus do bhí a hinghean
slán ó a núairsin a mach.
29 Agus ar nimtheachd Diósa as sin,
tainic sé láimh ré fairrge na Gailele: &
an tan do chúaidh sé súas ar shliabh, do
shuidh sé ann.
30 Agus do chúadar slúaighte móra
chuige, agá rábhadar bacuigh, doill,
balbháin, dáoine ciorthuimeacha, agus
mórán eile: agus do theilgeadar sa
chosaibh Iosa iad: agus do shlánaigh sé
iad.
31 Ionnas gur ghabh iongantus an
slúagh, an tan do chonncadar na bal-
bháin ag labhairt, agus na dáoine cior-
thuimeacha slán, na bacaigh ag siobhal,
agus a radharc ag na dallaibh: agus
tugadar glóir do Dhia Israel.
32 Agus ar ngairm a dheisciobal
chuige Diósa, a dubhairt sé, A tá trúai-
ghe agam don tslúagh: oir do fha-
nadar a nois ré trí lá am fhochair, agus
ni bhfuil ní aca do iósaidis: agus ni
háill leam a leigean úaim na dtrosgadh,
deagla go rachaidís a nanbhfainne ar a
tslighe.
33 Agus a deirid a dheisciobaill ris, Cia
a nait as a bhfuigheamáois ar an bhfá-
sach a noireadsoin darán, lé a saiseócha-
máois a chomhmór do thlúagh?
34 Agus a deir Iosa ríusan, Gá mhéad
arán a tá agaibh? agus a dubhradarsan,
A seachd, agus beagan diásgaibh
beaga,
35 Agus do aithin seisean don tslúagh
suidhe síos ar an dtalamh.
36 Agus ar nglacadh na seachd na-
rán agus na niasgsoin dó, ag tabhairt
buidheachais, do bhris sé [iad], agus
tug sé dhá dheisciobluibh féin; & [tu-
gadar] na deisciobail don tslúagh [iad.]
37 Agus do itheadar uile [ní], agus do
sasuigheadh iad: & do thógbhadar lán
sheachd gcliabh dfuigheall do bhiádh
bhriste.
38 Agus do bhádar an luchd a dúaidh
[é] ceithre mhíle fear, leith a muigh
do mhnáibh agus do leanbaibh.
39 Agus ar léigean an tslúaigh úadh,
do chúaidh sé a luing, agus tainic sé go
leithimlibh Mhagdála.

CAIB. XVI.

Droch theagasc na Bparisineach, insheachanta;
16 admhail ghlórmhar Pheadair; 24 &
gu bfuil dfhiachaibh ar lucht leanmhuin
Chriosd an nainmhian do chrosadh.

AGus ag teachd do naPhairisineachaibh
agus do na Saduichíneachuibh, a cur
chathuighthe air, do iárradar air comh-
artha do thaisbéanadh ó neamh dhóibh.
2 Agus ar bhfreagra dhósan a dubh-
airt sé ríu, An tráth thig deireadh an
láoi a dearthaoi, [biaidh sé] na shoininn:
óir a tá an taiér dearg.
3 Agus ar maidin, [biaidh] droch-
aimsear ann a níu; oir a tá an taier
ag deargadh [agus] ag dorchughadh. A
luchd an fhúarchrábhaigh, is éol dáoibh
gnúis a naiér do bhreathnughadh: achd
a né nach éidir libh comharthuidhe na
naimlearach [do thuigsin?]
4 Iárraidh an droichchineadh adhal-
trannach comhartha: & ní tiobharthar
comhartha dhó, achd comhartha Iónás
an faidh, agus ar ndealughadh ríu, do
imthigh sé.
5 Agus an tráth thangadar a dheiscio-
bail a dtír ann sa phort thall, do dhear-
madar arán do bhreith [léo.]
6 Agus a dubhairt Iosa ríu, Tabhruidh
dá bhur naire agus coimheaduidh sibh
ó laibhín na Bhpairisíneach agus na
Saduichineach.
7 Agus do thagradarsan eatorra féin, ag
rádh, Is ar son nach dtugamar arán
linn.
8 Agus ar na thuigsin sin Diósa a du-
bhairt sé ríu, A luchd an chreidimh bhig,
créd fá a dtagarthaoi eadraibh féin, gur
ab ar son nach dtugabhair arán libh?
9 A né nach dtuigthí fós, no nach
ccuimhnighthí na cúig aráin na gcúig
mhíle fear, agus ga mhed cliabh do thóg-
abhair?
10 Nó na seachd naráin na gceithre
mhíle fear, agus ga mhéd cliabh do
thógabhair?
11 Cionnas nach ttuigthí nach a dtim-
cheall aráin a dubhairt mé ribh, bhur
naire do thabhairt dháoibh ar laibhín na
Bhpairisíneach, & na Saduichineach?
12 Annsin do thuigiodar cionnas nach
díarradh orra aire do thabhairt dóibh ar
loibhín an aráin, ach ar theagasc na
Bhpairisíneach & na Saduichineach.
13 Agus ar dteachd Diósa go críochaibh
Shesaria Phil... [illegible], do fhiafruidh sé dá
dheisciobluibh, ... rádh, Créd a deir na
dáoine, cia misi mac an duine?
14 Agus a dubhradarsan, A deirid cuid
dhíobh, gur ab tú Eóin baisde, & cuid
eile Elias, agus cuid eile Ieremías, nó
áon do na faidhibh.
15 A deir seisean ríu, Achd créd a deir
sibhsi cia mé?
16 Agus ar bhfreagra do Shímón
Peadar a dubhairt sé, Is tusa Críosd,
mac Dé bhí.
17 Agus ar bhfreagra Diósa an tráth-
soin a dubhairt sé ris: As beannuighthe
thú, a Shimoin mhic Ióna, oír ní féoil
ná fuil do fhoillsigh [sin] duit, achd
mathairsi a tá air neamh.
18 Agus a deirimsi riot, gur ab
tusa Peadar, agus gur ab ar an
gcarruicsi thóigeabhus misi méagluis
féin: & nach béaruid geatuidhe ifeirn
búaidh uirthe.
19 Agus do bhéara me dhuit eochracha
na ríoghachda neamhdha, agus giodh
bé ní cheingéolus tú ar talamh, biáidh
sé ceanguilte ar neamh: agus giodh bé
ní sgáoilfeas tú ar talamh, biáidh sé
sgáoilte ar neamh.
20 Ann sin do aithin sé dá dheiscio-
bluibh

bluibh gan innisin déin neach, gur bhé
féin Iósa Criosd.
21 O a nuairsin amach do thionnsgain
Iosa a fhoillsiughadh dhá dheisciobluibh
gur ab éigin dó dhul go Hiarusaleim agus
móran dfulang ó na sinnsearuibh agus ó
uachdaránaibh na sagart, agus ó na
Sgriobuidhibh, agus bás dfulang, agus
eiséirghe an treas lá.
22 Achd do ghabh Peadar é, agus do
thionnsgain sé achmhusan do thabhairt
dó, ag rádh: A bhfad uaidse sin, a Thi-
ghearna: ní theigeobhadh so dhuit se.
23 Achd ar gcasadh dhósan a dubh-
airt sé ré Peadar, Imthigh am dhiaigh a
Shátain, is scandail dhamh thú: oír ní
thuigeann tú na neithe [bheanas ré] Diá,
achd na neithe [bheanas ré] dáoinibh.
24 A dubhairt Iosa an tansoin ré
na dheisciobluibh, Más áill lé neach
teachd am dhiaighsi, diultadh sé dhó
féin, agus tógbhadh sé a chros, agus
leanadh se misi.
25 Oir giodh bé neach lé nab mían a
anam fein do chumhdach, caillfidh sé é,
agus giodh bé neach chaillfeas a anam ar
mo shonsa, do gheabha sé é.
26 Oir créd é a tharbha do dhuine da
ngnodhuigheadh sé an domhan uile, agus
a anam féin do leigean a mugha? no
créd í án mhalairt do bheuradh duine
ar son anma féin?
27 Oir tiocfuidh mac an duine a
ngloir a athar féin maille lé na ain-
glibh: & do bhéara sé an tráthsoin dá
gach neach do réir a ghniomharthadh.
28 Go firinneach a deirimsi ribh, go
bhfuil cuid don luchd a tá na seasamh
ann so, nach blaisfidh bás no go bhfaicid
mac an duine ag teachd ann a ríó-
ghachd féin.

CAIB. XVII.

Athrughadh agus deallrughadh cruth Chriosd.
22 a thairrgir um a cheasadh. 24 agus
iocadh an chanachais.

AGus a gcionn shé lá beiridh Iósa Pea-
dar agus Séumas agus Eóin a dhear-
bhráthair, agus tréoruighidh sé iad ar
leith go sliabh árd.
2 Agus do háthruigheadh a chruth an
a bhfiadhnuisi, agus do dheallruigh a agh-
uidh mar an ngréin, agus do rinneadh a
éuduighe geal mar an solas.
3 Agus féuch, do taidhbhrigheadh
dhóibh Máoise, agus Elias, a comhrádh
ris.
4 Agus ar bhfreagra do Pheadar a
dubhairt sé ré Hiosa, A thighearna is
maith dhúinn bheith ann so: mas áil
leachd, déanam trí botha ann so, both
dhuitsi, both do Mháoisi, agus both
Dhelías.
5 Suil do sguir seisean do labhairt,
féuch, do theilg néull soillseach sgáile
orrtha: agus féuch, [táinic] guth as an
néull, ag rádh, Ag so an mac grádhach
úd agamsa, an a bhfuil mo thoil mhaith:
Eisdigh ris.
6 Agus an tráth do chúaladar na
deisgiobuil [so,] do thuiteadar air a nagh-
uidh agus do ghabh eagla romhór iad.
7 Agus ar dteachd Diosa, do bhean sé
riu, agus a dubhairt sé, Eirghidh, agus
na biodh eagla oruibh.
8 Agus ar dtógbháil a súl dóibh,
ni fhacadar éin neach, achd Iósa na
áonar.
9 Agus an tráth thangadar a núas
don tsliabh, do aithin Iósa dhióbh, ag
rádh, Na hinnisidh dhéinneach an ní do
taidhbhridheadh dháoibh, no go néirghe
mac an duine ó mharbhaibh.
10 Agus do fhiáfruigheadar a dheis-
ciobail dheisean, ag rádh, Maseadh créd
fa a nabruid na Sgriobhuidhe, gur ab
éigin Elias do theachd air tùs?
11 Agus ar bhfreagra Diosa a du-
bhairt se riu, Tiocfuidh Elias gó fi-
rinneach ar tùs, agus aiseocuidh sé gach
éin ni:
12 Achd a deirimsi ribh go dtáinic
Elías cheana, & nach ar aithnigheadar
é, achd go ndearnadar a dtoil féin ris:
is mar sin fhuiléongas mac an duine
mar an gcéadna úatha.
13 Do thuigeadar na deisciobuil ann
sin gur ab a dtimcheall Eóin bailde do
labhair sé riú.
14 Agus an tan tangadar a gceann
an choimhthionóil, do chuaidh neach ai-
righe chuige, ag sléuchduin ar a ghlú-
nibh dhó.
15 Agus ag rádh, A Thighearna déan
trocaire ar mo mhac, oir bhidh sé tinn lé
goin na Ré, & is mor olc fhuilngeas
sé: óir tuitidh sé a dtenidh go minic,
agus a nuisge go minic.
16 Agus do thairg mé dod dheiscio-
bluibhsi é, & níor fhéadadar a leigheas.
17 Agus ar bhfreagra Diosa a dubhairt
sé, A chineadh dótheaguisg gan chrei-
deamh, gá fad fós bhias mé bhar bhfo-
chair? gá fad fos fhuiléongas mé sibh?
tabhruidh chugamsa ann so é.
18 Agus do spreag Iósa an deamhan,
agus do imthigh se as: agus do bhí an
leanabh slán ó nuairsin a mach.
19 Ar dteachd do na deisciobluibh
chum Iosa an tráthsoin fa leith, a dubh-
radar, Créd é an fáth nach ar fhéada-
mairne súd do theilgean a mách?
20 Agus a dubhairt Iósa riú, Ar
son bhur michreidimh: oir a deirim
ribh go firinneach: dá mbeith oiread
re gráinne musdaird do chreideamh
agaibh, a déarthaoi ris an, sliabhso,
Athruigh as so ann súd a nunn:
agus athrrochuidh sé: agus ní bhía ní ar
bith nach budh éidir libh.
21 Achd cheana ni théid an sort
[deamhanso] a mach, achd lé hurnuigh-
the agus lé trosgadh.
22 Agus ar ndéanamh comhnuighe
ahn sa Ghalilé dhóibh, a dubhairt Iósa
riú, Do bhéar thar mac an duine a lá-
mhaibh na ndáoine.

23 Agus

23 Agus muirfid ſíad é, achd an treas
lá eiréochaidh ſé: agus do ghabh do-
brón romhór iadſan.
24 Agus ar dteachd dhóibh go Caper-
náum, tangadar luchd na cióſchána do
ghlacadh, go Peadar: agus a dubhradar,
Nach íocann bhur maighisdirſi an cióſ-
cháin?
25 A deir ſeiſean, Iócuidh: agus an
tráth do chúaidh ſé a ſdeach don tigh,
da labhair Jóſa riſean ar tús, ag rádh,
Créd í do bharamhuilſi, a Shímóin? cía
ar a dtógbhuid ríghthe na talman cíos,
nó cánáchas? an ó na gcloinn féin? nó ó
choimhthighe?
26 A deir Peadar ris, O choimhthighe:
a dubhairt Jóſa ris, ar a nadhbharſoin
A táid an chlann ſáor.
27 Achd ionnas nach dtiobhramáois
oilbhéim dhóibh, imthighſi chum na
fairge, agus teilg [innte] dubhán: & tóg
an céduíaſg thiocfas a níos: agus ar noſ-
gladh a bhéoil, do gheabha tú píoſa
airgid: glac ſin agus tabhair dhóibh é
ar mo ſhonſa agus ar do ſhon féin.

C A I B. XVIII.

Sèimbeachd & neimh-dhiogbaltas na leanba Inleanmhuinne. 15 & ordughadh ſmachta na Heagluiſi.

ANúairſin tangadar a dheiſciobuil
chum Jóſa, ag rádh, Cia is mó ann
ſa ríoghachd neamhdha?
2 Agus ar ngairm léinibh bhig chuige
Dióſa, do chuir ſé an a lárſan é.
3 Agus a dubhairt ſé, Go fírinneach a
deirim ribh, muna ſhillti, agus muna
bheithí mar leanbána, nach rachdaoi a
ſdeach don ríoghachd neamhdha.
4 Ar a nadhbharſoin giodh bé iſléo-
chus é féin mar an leanbánſo, a ſé ſin is
mó a ríoghachd neimhe.
5 Agus gidh bé neach gheabhus chuige
énleanbán dá leithid ſo am ainmſi, gabh-
uidh ſé miſi chuige.
6 Agus gidh bé neach bhéaras oil-
bhéim déinneach don mhuinntir bhigſi
chreideas ionnamſa, do bfhearr dhó
cloch mhuilinn do chrochadh fa na
mhuinél, agus a bháthadh a ndúbhai-
gén na fairge.
7 Is mairgneach don domhan ar ſon
oilbhéimeann, óir is éigin do na hoilbhéi-
meann aibh teachd: achd cheana is an-
ſóibhinn don duine tré a dtig an toil-
bhéim.
8 Achd má bheir do lámh no do chos
adhbhar oilbhéime dhuit, gearr dhiót &
teilg uait [iad]: is fearr dhuit dul a ſdeach
don bheathaidh ar leathchois nó ar lea-
thláimh, ná dhá láimh agus dá chois do
bheith agad agus do theilgean ann ſa
teine ſhíorruidhe.
9 Agus má bheir do ſhúil adhbhar oil-
bhéime dhuit, bean aſad & teilg uait:
is fearr dhuit dul don bheathaidh ar leath-
ſhúil, ná dhá ſhúil do bheith agad agus
do theilgean a dteinidh iſéirn.
10 Tabhruidh dá bhur naire nach dta-
bharthaoi tarcuiſne air éinneach don
mhuinntir bhigſi: oír a deirim ribh go
bhfaicid a naingilſion air neamh do
ghnáth aghaidh mhatharſa a tá ar neamh
11 Oir táinic mac an duine do ſhabháil
an neithe do chúaidh a mugha.
12 Créd do chithear dháoibh? dá
mbeith céad cáora ag áonduine, agus go
rachadh áoncháora dhíobh ar ſeachrán, a
né nach bhfúigeadh ſé na náoi gcáoiridh
déag & ceithre fichid, & nach rachadh
ſé ar na ſléibthibh díarruidh [na cáorach]
do chúaidh air ſeachrán.
13 Agus ma theagmhann go bhfaghann
ſé í, a deirimſi ribh go fírinneach gur
ab mó a lúathghair trithe, ná ar ſon na
náoi gcáorach ndéag & cheithre fichid
nach deachuidh ar ſeachrán.
14 Mar an gcéadna ní hí toil bhur na-
tharſa a tá ar neamh, go rachadh éin-
neach do na dáoinibh beagaſa a mugha.
15 Achd má pheacuigheann do dhear-
bhrathair ad aghuidh, imthigh & ſpreag
é eadrad féin agus é féin amháin: agus
má éiſteann ſé riot, do ghnódhuigh tú do
dhearbhráthair.
16 Agus muna éiſde ſé riot, beir leachd
fós duine no días eile: do chum go mbí-
odh gach éinní ſeasmhach a mbéul deiſi
no trír dfíadhnuiſibh.
17 Agus ma dhiultann ſé iadſan déiſ-
deachd, innis do neagluis: & ma dhiul-
tann ſé a neagluis déiſdeachd, bíodh meas
pagánuigh & puibliocáin agad air.
18 Go fírinneach a deirimſi ribh, Gidh
bé ar bith neithe cheangoltaoi ar talamh,
biáidh ſíad ceangailte ar neamh, agus
gidh bé ar bith neithe ſgáoilfidhe ar ta-
lamh, biaidh ſgáoilte ar neamh.
19 A rís a deirim ribh Má theagmhann
días agaibh ar áon fhocal ar talamh, a
dtimcheall gach uile ní iarruid ſíad, go
bhfuighid ſíad é ó mathairſe a tá ar neamh
20 Oir gidh be áit ann a bhſuilid días
nó triúr ar ná gcruinneaghadh am ainm-
ſi, a táimſi ann ſin ann a lár ſúd.
21 Ar ndul do Pheadar na ionnſaidh an
tráth ſoin, a dubhairt ſé, A thighearna,
gá a mhioncachd do dhéana mo dhear-
bhráthair coir a maghaidh, & mhaithfeas
mé dhó? an go nuige an ſeachdmhadh
húair?
22 A deir Jóſa ris, Ní abruim riot gus
an ſeachdmhadh húair [a mháin,] achd go
ſoithe ſeachdmhoghad ſeachd nuaire.
23 Ar a nadhbharſoin is coſmhuil río-
ghachd neimhe ré Rí airighthe, lér bháill
cúntas do dhéanamh ré na ſhearbh-
fóghantuidhibh.
24 Agus an tráth dó thionnſgain ſé
cúntas do dhéanamh, tugadh chuige
neach dár dhligh ſé deich míle tallann.
25 Agus an tan nar bheidir leis na fiá-
chaſo íoc, do aithin a thighearna, é féin
agus a bhean, agus a chlann, agus a raibh
aige do nſaoghal do reic, do chum na
bhfíach do dhíol.

26 Ar a nadhbharsoin ag déanamh
úmhla don tsearbhfhoghantuighe sin, do
iarr sé athchuinghidh air, ag rádh, A
thighearna, déana foighid riom, agus
do bhéara mé an tiomlán dhuit.
27 Ann sin ar ngabhail truaighe
moire tighearna a nógláoich úd, do
léig sé úadh é, agus do mhaith sé na
fiacha dhó.
28 Agus ag dul a mach don tsear-
bhfhoghantuigh úd, fuair sé áon dá
choimhshearbhfhoghantuidhibh féin, dar
dhligh sé céd pighinn:& ar na fhosdadh,
tug sé ar sgórnuigh air ag rádh, Díol
rium an ní dhligheas tú.
29 Agus ag tuitim dá chomhshear-
bhfhogantuidhe agá chosuibhsean, do
ghuidh sé é, ag rádh, Déana foighid riom,
agus do bhéara mé an tiomlan duit.
30 Achd níor bháill leisean sin: achd
ar nimtheachd dó, do theilg sé a bprio-
sún é, no go níocadh sé na fiacha.
31 Agus an tráth do chonncadar a
choimhshearbhfhoghantuidhesion na neithe
do rinneadh, do ghabh doilgheas romhór
iad, & thangadar, & do fhoillsigheadar
dá dtighearna gach ní dá ndearnadh ann.
32 Annsin do chuir a thighearna fios
airsean agus a deir sé ris, A dhroich-
shearbhfhoghantuidh, do mhaith mé na
fiacha úd uile dhuit, do bhrigh gur
chuir tú impidhe oram:
33 Agus a né nar chóir dhuitsi tró-
caire do déanamh ar do choimhshearbh-
foghantuidh féin,amhail & mar do rinne
misi trócaire ortsa?
34 Agus ar ngabháil feirge a thigh-
earna, tug sé do na céasadóiribh é, no go
níocadh sé a fhiacha uile ris.
35 Agus is mar sin do dhéana mhá-
thair neamhdhasa ribhsi, muna maithfe
gach áonduine agaibh dá dhearbhrathair
ó bhur gcroidhthibh, á gcionnta.

CAIB. XIX.

A ttimchioll Dhealughadh, 10 phósadh & gheanmnaidheacht; 10 & gu ttoirmiscionn grádh shaidhbhris, duine ó righeacht Dé.

AGus tarla an tráth do chríochnuigh
Iósa na comhraitesi, gur sgáoil sé a
lóing on Ghalilé, agus táinic sé go
críochuibh Iúdéa tar Iordan.
2 Agus do lean cuideachda mhór é:
agus do shlánuigh sé iad ann sin.
3 Tangadar na phairisinigh chuige an
tráthsoin do chur cathuigh air, agus ag
rádh ris; An ceaduightheach do dhuine a
bhean do léigean trí gach uile adhbhar?
4 Agus ar bhfeagra dhósan a dubhairt
sé riu, A ne nar léaghabhair, an té do
chruthuighe [iád] o thús, gur fear agus
bean do rinne sé iad?
5 Agus go ndubhairt sé, Ar a nadh-
bharsa fúigfidh duine a athair agus a
mhathair, agus ceangalfuidh sé dhá
mhnáoi: agus béid a ráon na néinfheóil
a mháin.
6 Ar a nadhbharsoin ní bhfuilid feas-
da na ndís, achd na néinfheóil: uime
sin, an ní do cheanguil Dia, ná sgáoileadh
duine é.
7 A dubhradarsan ris, Máseadh créd
far aithin Máoisi leitir dhealuighthe do
thabhairt, agus ise do léigean?
8 A deir seisean riu, Do fhuluing
Máoisi dháoibhsi ar son cruáis bhur
gcroidheadh bhur mná do léigean: achd
cheana ní mar sin do bhí sé ó thús.
9 Achd a deirimsi ribh, Gidh bé neach
léigfeas a bhean, achd ar son striopachuis
agus do bhéara bean eile, go ndéanann
sé adhaltrannas: agus gidh bé phósas an
bhean do léigeadh,go ndéanann sé adhal-
trannas.
10 A deirid a dheisciobuil risean, Ma
sé sin is cor don fhior ré na mhnáoi,
ní maith an pósadh ré a dhéanamh.
11 Achd a dubhairt seisean riu, Ní hé
gach áonduine ghabhus an glórsa, achd
an dream dár tugadh é.
12 Oir a taid dáoine coillte noch a
rugadh mar sin as broinn a mathar: a-
gus a taid cailltéanuigh agar bheanadar
dáoine asda: agus a táid cailltéanuigh
do bhean asda féin ar son na ríoghachda
neamhdha: gidh bé fhéadus a ghabháil
chuige, gabhadh.
13 Tugadh chuige an tráthsoin, lei-
nibh bheaga, do chum go gcuirfeadh sé a
lámha orrtha, agus go ndéanadh sé
urnuighe: agus do spreagadar na dei-
sciobuil iad.
14 Agus a dubhairt Iosa, Fuilngidh
do na leanbaibh, agus na bacuidh dhiobh
teachd chugamsa, oir is lé na leithéidibh
sin ríoghachd neimhe.
15 Agus tar éis a lámha do chur
ortha, do imthigh sé as sin.
16 Agus féuch, a dubhairt neach ai-
righthe ag teachd chuige, ris, A mhai-
ghisdir mhaith, créd í an mhaith do
dhéana mé, do chum go bhfuighinn an
bheatha mharthanach?
17 Agus a dubhairt seisean ris, Créd
fá a ngoireann tú maith dhiomsa? ní
bhfuil éinneach maith,ach amháin Dia:
achd mas mian leachd dul chum na bea-
tha, coimhéd na haitheanta.
18 A deir seisean ris, Cia hiad? agus
a dubhairt Iósa, Ní dhéana tú dun-
mharbhadh, ní dhéana tú adhaltrannas,
ní dhéana tú gaduidheachd, ní dhéana
tú fiadhnuisi bhréige.
19 Onóruigh hathair agus do mhathair
agus grádhuigh do chomharsa mar thú
féin.
20 A deir an tóganach ris, Do choi-
mhéd mé na neithesi uile ó moige, créd
a tá duireasbhuidh oram fós?
21 A dubhairt Iósa ris, Mas áil
leachd bheith diongmhála, imthigh, reac
a bhfuil agad, & tabhair do na bochd-
uibh [é:] agus do gheabha tu ionnmhas
ar neamh, agus tarr, lean misi.
22 Agus an tráth dó chúaluidh an
tóganach an comhradhsoin, do imthigh sé

go dobrónach: oir do bhí iomad ſaidh-
bhris aige.
23 Agus a dubhairt Iósa ré na dheiſ-
ciobluibh, A deirim ribh go fírinneach gur
ab docomhlach rachas duine ſaidhbhir a
ſteach a ríoghachd neimhe.
24 Agus a ris a deirim ribh, gur ab
uſa do chámhall dul tré chró na ſná-
thaide, ná do dhuine ſháidhbhir dul a
ſteach go flaitheamhnus Dé.
25 Agus ar na chlos ſo dá dheiſ-
ciobluibh, do ghabh iognadh mór iad,
ag rádh; Ar a nadhbharſoin cia is éidir
do ſhlánughadh?
26 Agus ar bhféachain Dióſa orrtha
a dubhairt ſé riu, Ni bhfuil ſo ar cumas
do na dáoinibh: achd cheana a tá
gach uile ni ar cumas do Dhia.
27 Ar bhfreagra do Pheadar an
tráthſoin, a dubhairt ſé ris, Féuch, do
thréigeamairne gach uile ni, agus do
leanamar thuſa: ar a nadhbhar-
ſoin créd do gheabham?
28 Agus a dubhairt Ioſa riu, A dei-
rimſi ribh go deimhin, an tráth ſhuidh
ſeas mac an duine a gcaithir a ghlóire
ſéin, go ſuidhfidhe ſibhſe, do lean miſi
ann sa naithgheineamhuin mar an gceadna
ar dhá chaithir dhéag, ag breith bhreithe
ar dhá threibh dhéag Iſráel.
29 Agus gidh bé neach do thréig tigh-
the, nó dearbhráithreacha, nó deirbhſhea-
thracha, nó athair, nó mathair, nó bean
phóſda, nó clann, nó dúthuidh ar ſon
mhanmaſa, do gheabha ſé a gcéad oirid,
& an bheatha mharthanach mar oidh-
reachd.
30 Achd cheana a tá mórán ar tosach,
bhias fa dheireadh: agus fa dheireadh,
bhiás ar toſach.

CAIB. XX.

An Eagluis ar na ſamblughadh re fineamhuin
20 Ar iarratas uáibhreach mhathar chloin-
ne Shebedei, ar na chur far ccúl.

OIr is coſmhuil an ríoghachd neamh-
dha ré fear tighe áirighthe, do
chuaidh a mach lé héirghe an láoi do
chur luchd oibre ar tùaraſdal ann a
fhineamhuin.
2 Agus tar éis réidhighe ris an luchd
oibre ar phighinn ſa ló, do chuir ſé ann a
fhineamhain iad.
3 Agus ar ndul a mach dhó timcheall
an treas uair, do chonnairc ſé drong eile
díomhaoineach na ſeaſamh ar an mar-
gadh.
4 Agus a dubhairt ſé ríu, Imdhighſi
leis don fhineamhuin, & gidh bé ni bhús
ceart do bhéara mé dhibh [é.]
5 Agus do imdhigheadarſan. A rís ar
nimtheachd a mach dhó, timcheall an
ſeiſeadh & an naomhadh húair, do rinne
ſé mar an gceadna.
6 Agus ar ndul a mach dhó a dtim-
cheall an áonmhadh húair déag, fúair ſé
dream eile na ſeaſamh díomhaoineach, &
a deir ſé riu, Créad fá bhfuiltiſi bhar
ſeaſamh ann ſo feadh an láoi díomhaoi-
neach?
7 A deirid ſiadſan ris, Ar ſon nar
chongaimh duine ar bith ar túarasdal
ſinn. A deir ſeiſean riu, Imdhighſi mar
an gcéadna don fhíneamhain, & gidh bé
ní bhus cóir do ghéubhthaoi [é.]
8 Agus ar dteachd don tráth nóna a
deir tighearna na fineamhna ré na ſdío-
bhard, Goir an luchd oibre, agus tabhair
dhóibh a dtúaraſdal, ag toſughadh ón
luchd tháinic fá dheireadh, go ſoithe na
céaddaoine.
9 Agus ar dteachd don druing
úd [tháinic] a dtimcheall an áon-
mhadh húair déag, fúair gach duine
dhióbh pighinn.
10 Agus ar dteachd don chéiddreim
do ſhaoileadar go bhfuighedis féin ní
budh mó: achd cheana fúair gach áon
díobh, mar an gcéadna, pighinn.
11 Agus ar na ghlacadh dhóibh, do
rinneadar monabhar a naghuidh fhir an
tighe.
12 Ag rádh, An dreamſo tháinic fa
dheireadh, ni dhearnadar [obair] achd
áonuair a mháin, agus do chuiriſi iad
a gcoimhmeas rinne, díomchuir muiridhin
agus teasbhach an láoi.
13 Agus ar bhfreagra dhóſan a du-
bhairt ſé ré fear dhíobh, A chompánuigh,
ni bhfuilim ag déanamh éagcóra ortſa; a
né nár réidhigh tú ríom ar phighinn?
14 Tógaibh leachd do chuid féin, agus
imdhigh, a ſi mo thoilſi a thabhairt don
téſi tháinic fá dheireadh mar [thug mé]
dhuitſi.
15 A né nach ceaduigheach dhamhſa
an ni is toil leam féin do dhéanamh rém
chuid féin? an bhfuil do ſhúilſi go holc
air ſon go bhfuilimſi maith?
16 Is mar ſin béid na dáoine deigh-
ionach air dtoſach: & na céad dáoine
air deireadh, Oir a tá mórán ar na
ngairm, agus beagán ar na dtogha.
17 Agus ag dul ſúas Dioſa go Hiaru-
ſalém, rug ſé an dá dheiſciobal déag
leis fa leith ann ſa tſlighidh, agus a
dubhairt ſé riu.
18 Féuch a támáoid ag dul ſúas go
Hiaruſaleim, agus do bhéarthar mac an
duine dhiachdaranaibh na ſagart agus do
na Scríobuighibh, agus béaruid ſiad
breath bháis air;
19 Agus do bhéaruid ſiad do na cin-
eadhachuibh é do chum go ndéindis
fonamhad ſaoi, & go ſgiurſfaidis agus go
gcrochfaidis [é:] achd an treas lá éi-
réochaidh ſé a ris.
20 Táinic máthair chloinne Shebedei
chuige an tráthſoin, maille ré na cloinn,
dá onórughadh agus ag iárruidh neithe
áirighe air.
21 Agus a dubhairt ſeiſean ria, Créd
i do thoil? a deir ſiſi ris, Abair go
ſuidhfid an diás macſo agamſa, fear aca ar
do láimh dheis, agus fear eile ar do
láimh chlé, ad ríoghachd.
22 Agus ar bhfreagra Dióſa a du-
bhairt ſé, Ni bhfuil a fhios agaibh créd
iárrthaoi

iárrtháoi, a neidir libh an cupán íobhas
miſi dhól, agus bhur mbaiſdeadh leis
an mbaiſdeadh le a mbaiſdear miſi ?
a dubhradarſan ris, Is éidir.
23 Agus a deir ſeiſean ríu, Iobh-
tháoi go deimhin dom chupánſa agus
baiſdfidhthear ſibh leis an mbaiſdeadh
lé a mbaiſdear miſi : achd ſuighe ar
mo láimh dheis agus chlé, ní leamſa a
thabhairt, achd don dreim dá bhfuil
ſé ar na ullmhughadh ó mathair.
24 Agus an tráth do chúaladar an
deichneabhar [eile ſo,] do bhí neimh-
chion aca ar an días dearbhráthar.
25 Agus ar na ngairm chuige Dió-
ſa, a dubhairt ſé, Atá a fhios agaibh
go bhfuil úachdaránachd agá dtighearn-
uibh ar na cineadhachaibh, agus go
bhfuilid na dáoine móra trén orrtha.
26 Gidheadh ní mar ſin bhías ſé
eadruibhſi : achd giodh bé neach lé
madh mían bheith mór eadruibh,
bíodh ſé na ſheirbhiſeach agaibh.
27 Agus giodh bé neach lé nab áill
bheith na úachdarán eadruibh, bíodh
ſé na ſhearbhfhoghantuidhe agaibh.
28 Amhail as nach dtáinic mac an
duine do chum go ndéantáoi ſeirbhís
dhó, achd do dhéanamh ſeirbhíſi, agus
do thabhairt anma féin mar éiric ar
ſon mhóráin.
29 Ar ndul a mach dhóibh an
tráthſoin as Jericó, do lean ſlúagh
mór eiſean.
30 Agus féuch, días do dháoinibh
dalla do bhí na ſuidhe chois na ſli-
gheadh, an tráth do chúaladar go
raibh Jóſa ag gabháil tharſa, do éigh-
mheadar ag rádh, Déana trócaire oruinn,
a thighearna a mhic Dábhí.
31 Achd do ſpreagadar an ſlúagh
iad do chum go gcoiſgfidís : achd
cheana is móide do éighmheadarſan ſin,
ag rádh, Déana trócaire oruinn, a Thi-
ghearna a mhic Dábhí.
32 Agus ar ſeaſamh Dióſa, do
ghóir ſé iad, agus a dubhairt ſé, Créd is
áill libh do dhéanamh dhamhſa dháobh ?
33 A deiridſean ris, A thighearna,
ar ſúile dhoſgladh.
34 Agus do ghabh trúaighe Jóſa
dhóibh, agus do bhean ſé ré na ſúilibh :
agus táinic radharc dá ſúilibh ar an
mball, agus do leanadar eiſean.

CAIB. XXI.

Poimp ríoghamhall Chríoſd, 12 noch do ſciúrſuigh lucht gnothuighthe, as an Teampuill. 33 &c thairrgir um dhíoghbla na Sceólóra eugcoraech.

AGus an tráth do dhruideadar ré Hía-
rulalem, & tangadar go Betphage
go ſliabh na noluidheadh, ann ſin do
chuir Jóſa días deiſciobal úadh,
2 Ag rádh ríu, Imthighidh don
bhaile a tá as bhur gcomhair, agus ar
an mball do geabhtháoi aſal ceanguilte
[ann] agus ſearrach na ſhochair : ſgáoi-
lidh agus tabhraidh chugamſa [iad.]

3 Agus má labhránn áonnduine ní ar
bith ribh, abruidhſi go bhfuil féidhm
ag an Dtighearna orrtha : agus léigfidh
ſé úadh ar an mball iad.
4 Agus táinic ſo uile chum críche
ionnas go gcoimhlíonfuidhthe an ní a
dubhradh tres an bhfáidh, a deir,
5 Innisidh dinghin Tſión, féuch atá
do Rí ag teachd ad choinne go ciúin, ar
muin aſuil, agus bhromuigh mac a mhál.
6 Agus do imthigheadar na deiſ-
ciobuil, agus do rinneadar mar do
aithin Jóſa dhíobh,
7 Agus tugadar an taſail agus an
bromach léo, agus do chuireadar a
néaduighe orrtha, agus do chuireadar
eiſean na ſhuidhe ar a muin.
8 Agus do leathnuigheadar móran
do dhaoinibh a mbruit ar a tſlighe :
agus do ghearradar drong eile géaga
dó chrannaibh, agus do leagadar ar
a tſlighe [iad.]
9 Agus do thógaibh an ſlúagh do
bhí roimhe agus na dhiáigh gáir, ag
rádh, Hóſanna do mhac Dáibhí : is bean-
nuighthe an té thig a nainm an Ti-
ghearna, Hóſanna annſna hárdaibh.
10 Agus ag dul Dióſa a ſdeach
go Híaruſaléim, do bhí an chathair uile
ar na comhmogadh, ag rádh, Cía hé ſo ?
11 Agus a dubhairt an coimhthionól,
A ſé ſo Jóſa an fáidh ó Náſarét na
Galilé.
12 Agus do chúaidh Jóſa a ſdeach go
teampoll Dé, agus do theilg ſé amach
a raibh ag reic agus ag ceannach ann-
ſa teampoll : agus do theilg ſé buird
luchd malarta a nairgid air lár, agus
caithíreacha luchd reactha na gcolum.
13 Agus a dubhairt ſé ríu, Atá
ſgríobhtha, Goirfidhthear teach ur-
nuighthe dom theachſa : achd do rin-
neabhairſi tuinidhe biothamhnach dhe.
14 Tangadar chuige an tráthſoin
doill, agus bacaigh annſa teampoll :
agus do ſhlánaigh ſé iad.
15 Agus an tan do chonncadar
úachdaráin na ſagart agus na Sgríob-
uidhe na míorbhuile do rinne ſé, agus
na Jeinibh ag éighmhe ſa teampoll,
agus ag rádh, Hóſanna do mhac Dáibh,
dó ghabhadar chuca go feargach é
16 Agus a dubhradar ris, An
gcluin tú créd a deirid an mhuinntir
ſo ? agus a deir Jóſa ríu, Do chluinim.
A né nar léaghabhair, As béul leanbh
agus náoidheanan cíche do chríochnuigh
tú moládh ?
17 Agus ar na bhfágbháil, do
chúaidh ſé amach as an gcathraigh go
Betánia, agus do fhan ſé ann ſin.
18 Agus ag filleadh dhó chum na
cathrach ar maidin, do ghabh ocarus é.
19 Agus a núair do chonnairc ſé
crann fige ar a tſlighe, táinic ſé chuige
& ní fhúair ſé ní ar bith air achd duil-
leabhar a mháin : & a deir ſé ris, Nar
fháſa toradh ó ſo amach go bráth ort.
Agus

Agus do chrión an crann fige ar an
mballsoin.
20 Agus ar na fhaicsin do na deis-
ciobluibh, do ghabh iongantus iad, ag
rádh, Cionnus do mheath an crann fige
ar an mball ?
21 Agus ar bhfreagra Diósa a dubh-
airt sé riu, A deirim ribh go fírinneach,
má bhíonn creideamh agaibh, agus nach
ccuirfithí cunntabhairt ann, ní hé a
mháin an nísi thárla don chrann fige do
dhéantháoi, achd mar an gcéadna má
a dearthaoi ris an sliabhso, Tógthar thú,
agus teilgthear ann sa bhfairge thú,
bhiidh sin deanta.
22 Agus gidh bé ar bith neithe iárr-
fuidhthe ann bhur nurnuighe,má chreid-
ti, do gheabhtháoi [iad.]
23 Agus an tráth thainic sé don
teampoll, tangadar úachdaráin na sagart
agus sinnsear an phobuil chuige agus é
ag teagasg, ag rádh [ris,] Créd é
an tughdarrás ré a ndéanann tusa na
neithesi? agus cía thug na cumhachdasa
dhuit ?
24 Agus ar bhfreagra Diósa a dubhairt
sé riu, Fiafróchuidh misi mar an
gcéadna dhibhsi ní áirighthe: agus dá
ninnisdi dhamh ê, innéosuidh misi
dháoibhsi mar an gcéadna cía an tughdar-
rás ré a ndéanuim na neithesi :
25 Ga háit as a dtáinic baisdeadh
Eóin? ó neamh, no ó dháoinibh ? achd
do smuaineadarsan ionnta féin, ag rádh,
Má deirmíd, O neamh : a déara sé rinn,
Ar a nadhbharsoin créd fa nar chreidea-
bhairse dho ?
26 Agus má deirmid, O dháoinibh : a
tá eagla an phobail oruinn: óir a tá meas
fáidhe ag gach uile dhuine ar Eoin.
27 Agus ag tabhairt freagartha ar
Iósa a dubhradar, Ní bhfuil a fhios
aguinn: & a dubhairt seisean ríu, Ní
mó innéosadsa dháoibhse cía an tughdarrás
ré a ndeanuim na neithesi.
28 Achd créd do cíthear dháoibhsi?
do bhádar dias mac ag duine áirighe :
agus ag teachd dionnsuighe an chédmhic,
a dubhairt sé, A mhic, imdhigh, déana
obair a niu am fhíneamhain.
29 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt
sé, Ní dhéanad : achd na dhiáigh sin an
tráth do ghabh aithreachas é, do im-
dhigh sé.
30 Agus ag teachd gus an dara mac, a
dubhairt sé mar an gcéadna. Agus ar
bhfreagra dhósan a dubhairt sé,Do dhêun
a Thighearna; gidheadh niór imdhigh sé.
31 Cía don dísse do rinne toil a
athar ? a deiridsean ris, An céadfhear.
A deir Iósa riusan, a deirimse ribh go
fírinneach, go dtéid na puiblicáin agus
na sdríopacha romhaibhsi go flaitheas Dé.
32 Oir táinic Eóin chugaibh a slighe
na córa, agus niôr chreideabhair dhó :
achd do chreideadar na puiblicain agus
na sdríopacha dhó : achd gé do chonn-
cabhairsi [so], ní dhearnabhair aith-
righe na dhiaigh sin, do chum go
gcreidfeadh sibh dhó.
33 Eisdigh ré cosamhlachd eile, do
bhi fear tighe áirighthe ann, Do chuir
fíneamhuin, agus do chuir sé fál na
timcheall, agus do thochail sé ionad
brúighte an fhiona innte, agus do
thogaibh sé tor agus tug sé do sgológaibh
ar chiós í, agus do imthidh sé féin a
gcoigcrích.
34 Agus an tráth do dhruid aim-
sear na dtórtha [riu,] do chuir sé a
shearbhfhoghantuidhe chum na sgológ,
do ghlacadh na dtórtha.
35 Agus rugadar na sgológa ar a
shearbhfhoghantuidhibh, agus do gha-
bhadar ar fhear dhíobh, agus do
mharbhadar fear eile, agus do ghabha-
dar do chlochaibh ar fhear eile.
36 A ris do chuir sé searbhfhoghan-
tuidhe eile úadh budh lia na an chéad-
chuideachda : agus do rinneadarsan
mar an gcéadna riu.
37 Agus fa dheireadh do chuir sé a
mhac féin chuca, ag rádh, Do bhéarnid
siad onóir dom mhac.
38 Agus ar bhfaicsin an mhic do na
sgológaibh, a dubhradar eatorra féin, A
sé so an toighre, tigidh, marbham é,
agus congbham a oidhreachd.
39 Agus ar mbreith air, do theilgea-
dar as an bhfíneamhuin a mach é, agus
do mharbhadar [é.]
40 Ar a nadhbharsoin an tráth thioc-
fas Tighearna na fíneamhna, créd do
dhéana sé ris na sgológaibh úd ;
41 A deiridsean ris, Sgriosfuidh sé go
dioghaltach na drochdhaoine úd: agus
do bhéara sé a fhíneamhuin air chíos do
sgológaibh eile, do bhéara na tórtha
[dhó] an a naimsearaibh féin.
42 A deir Iósa ríu, Nar léghabhair a
riamh ann sna sgrioptúraibh, An chloch
do dhiúltadar na saoir, a si a tá ar na
déanamh na ceann ann sa chúainne ? a
sé an Tighearna do rinne so, agus a tá
sé iongantach ann ar súilibhne.
43 Ar a nadhbharsoin a deirim ribh
Go dtoigeóbhthar ríoghachd Dé úaibhsi,
agus go dtiobharthar í do chineadh
bhéaras toradh úatha.
44 Agus gidh bhé neach thuitfeas ar
an gcloichse, brisfithear é : agus giodh
bé ar a dtuitfi sí, do dhéana sí mion-
luaithreadh dhe.
45 Agus an tráth do chúaladar úachda-
ráin na sagart agus na Phairisinigh an
chosmhalachd sin, do aithnigheadar gur
ab na dtimcheall féin da labhair sé.
46 Agus an tráth do shantuigheadar
breith air,do bhí eagla an phobail orrtha:
óir do bhí meas fáidhe aca air sean.

C A I B. XXII.

Cuireadh chum banais phósda Mhic an Righ mhóir. 15 agus fregartha, iona ceesiannaibh craipliabeach.

AGus ar bhfreagra Diósa, do labhair
sé a rís ríu a gcosmhalachdaibh, ag
rádh.

2 Is cosmhuil an flaitheas neamhdha ré rígh áirighthe, do rinne banais phósda dhá mhac féin.

3 Agus do chuir sé a shearbhfhoghantuidhe do ghairm na muinntire fúair cuireadh chum na bainnse: achd níor báill leósan teachd.

4 A rís do chuir sé searbhfhoghantùidhe eile chuca, da rádh, Abruidhsi ris an muinntir úd dár tugadh cuireadh, Féuch, do ullmhuigh mé mo dhínnéir, á táid mo dhaimh agus mhainmhiontighe bíadhta ar na marbhadh, agus a tá gach uile ní ullamh: tigidh chum na bainnse.

5 Achd tugadarsan faillighe an so, agus do imthigheadar, fear dhíobh dá fhearann féin, agus fear eile chum a cheannuigheachda.

6 Agus rugadar an chuid eile dhíobh ar a shearbhfhoghantuidhibhsean, [agus] tugadar easonóir [dhóibh], agus do mharbhadar [íad.]

7 Agus an tan do chúalaidh an rí [so] do ghabh fearg é: agus ar gcur a shlúaighte úadh, do sgrios sé an luchd dúnmharbhtha úd, agus do loisg sé a gcathair.

8 A deir sé an tansoin ré na shearbhfhoghantuighibh, Go fírinneach a tá an bhanuis ullamh, gidheadh an dream fúair an cuireadh, níor bhfiú íad é.

9 Ar a nadhbharsoin imdhighsi a gcombrac na ród, agus gidh bé ar bith dáoine do gheabhtáoi ann, goiridh chum na bainnse [íad.]

10 Agus ar ndul a mach do na searbhfhoghantuidhibh ar na slighthibh, do chruinnigheadar gach uile dhuine dá bhfuaradar, eidir olc agus mhaith: agus do líonadh teagh na bainnse do dháoinibh do shuidh chum bídh.

11 Agus ar ndul a sdeach don rígh dféachain ar a luchd cuiridh, do chonnairc sé duine ann ag nach raibh éadach bainnse uime:

12 Agus a deir sé ris, A chompánuigh, cionnas thâinic tusa a sdeach ann so gan éadach bainnse umad? achd ní raibh áonfhocal aigesean.

13 A dubhairt an Rí ré na ghiollaidhibh an tráthsoin, Ar gceangal a chos agus a lámh síud, tóguidh é & teilgidh ann sa dorchadus a muich [é], mar a mbía gul agus giosgán fíacal.

14 Oír atá mórán ar na ngairm, agus beagán ar na dtogha.

15 Ag imtheachd ann sin do na Phairisíneachaibh, do chúadar a gcomhairle cionnas do ghéabhadis é iona bhriathruibh.

16 Ar a nadhbharsoin cuirid síad a ndeisceobuil féin chuige maille ré muinntir Jóruaith, ag rádh, A mhaighisdir, a tá a fhios aguinn gur ab duine fírinneach thusa, agus go dteagasgann tú slíghe Dé go fírinneach, agus nach bhfuil cás agad a náonnduine: óir ní fhéachann tú do phearsain na ndáoine.

17 *Ar a nadhbharsoin innis dúinn créd do chíthear dhuit, an cóir cíos do thabhairt do Sheásar, no gan a thabhairt?

18 Agus ar naithne a mailíse Díosa a dubhairt sé, Créd fa a gcuirthí cathughadh oram a luchd an fhúarchráibhaigh?

19 Taisbéanuidh dhamh airgead an chíosa, agus tugadarsan pighinn chuige.

20 Agus a dubhairt sé ríu, Cía dár ab íomháigh so, agus cía ré a mbeanann an sgríbhinn so na timcheall?

21 A deiridsean ris, ré Séasar. A deir seisean ríu an tráthsoin, Ar a nadhbharsoin tabhruidh do Sheásar na neithe is lé Séasar, agus na neithe is lé Día, do Dhía.

22 Agus ar na chluinsin [so] do ghabh iongantas íad: agus ar sgur dhe, do imdhigheadar.

23 An lásoin féin tangadar na Saduisínigh, a deir nach bhfuil eiseirghe ann, chuige: agus do chuireadar ceisd air,

24 Ag rádh, A mhaighisdir, a dubhairt Máoisi, dá bhfaghadh aonnduine bás gan chloinn aige, pósfuidh a dhearbhráthair a bhean do dhligheadh comhfhoguis, & tóigeabhuidh sé síol dá dhearbhráthair.

25 Agus do bhádar móirsheisear dearbhráthar eadrainne: agus tar éis mhná do thabhairt don chéaduine, fúair sé bás: agus an tan nach raibh sliochd aige, do fhágaibh sé a bhean agá dhearbhráthair.

26 Agus déirghe mar an gcéadna don dara, & don treas [dearbhráthair] go soithe an seachdmhadh [dearbhráthair].

27 Agus na ndiáigh uile fúair an bhean bás.

28 Ar a nadhbharsoin ann sa neiséirghe, cía don mhóirsheisear dá madh bean í? óir do bhí sí aca uile.

29 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, A tá sibh ar seachrán, gan éolus na Sgrioptúr, na chumachd Dé agaibh.

30 Oír ann sa neiséirghe, ní thabhruid fir mná, agus ní tugthar mná dsearaibh: achd a táid síad mar ainglibh Dé ar neamh.

31 Achd a né nach ar léaghabhair an ní a dubhairt Día ribh a dtimcheall eiséirghe na marbh, ag rádh,

32 Is misi Día Abraham, agus Día Isáac, agus Día Jácob? ní hé Día, Día na marbh, achd na mbéo.

33 Agus an tráth do chúaluidh an pobal sin, do ghabh iongnadh íad tré na theagasgsan.

34 Agús an tán do chúaladar na Phairisínigh gur chuir sé na Saduisínigh na dtochd, do chruinnigheadar a gceann a chéile:

35 Agus do chuir doctúir dlíghe áirighthe dhíobhsan ceisd air dá theasdughadh agus ag rádh,

36 A Mhaighisdir, ciá hí a naithne is mó sa *dligheadh?

37 Agus a dubhairt Jósa ris, Gráidheochuidh

eóchuidh tú do thighearna Día léd
chroidhe uile, agus léd anam uile, agus
léd smuáintiughadh uile.
38 A sí so an chéadaithne, agus a
naithne mhór.
39 Agus is cosmhuil an dara háithne
ría so, Gráidheóchuidh tú do chomharsa
mar thú féin.
40 Is ann sa dá aithnese atá suim an
dlighe, agus na bhfáidheadh.
41 Agus an tan do bhádar na Phairi-
sinigh cruinn a bhfochair a cheile, do
fhiafruidh Iósa dhiobh,
42 Ag rádh, Créd do chithear dhibhse
a dtimcheall Chriosd? cía dhár mac é?
A deiridsean ris, Mac Dháibhí,
43 A deir seisean ríu, Ma seadh cion-
nas ghoireas Daibhí san spioruíd Tigh-
earna dhe? ag rádh,
44 A dubhairt an Tighearna rém
Thighearna sa, Suidh ar mo láimh dheis
no go gcuire mé do náimhde na sdól
fád chosuibh.
45 Ar a nadhbharsoin ma ghoireann
Dáibhí Tighearna dhe, cionnas a tá sé na
mhac aige?
46 Agus níor bhéidir lé háonnduine
freagra ar bith do thabhairt air: agus
níor lamh éinneach ón lásoin suás ni ar
bith dfiafruighe dhe.

CAIB. XXIII.

Teagasc ⁊ caitheamh beatha na Bparisineach, ar na mion-fhoillsiughadh.

DO labhair Iósa an tráthsoin ris an
bpobal agus ré na dheisceobluidh
féin,
2 Ag rádh, A táid na Sgríobuidhe &
na Phairisínigh na suidhe a gcaithír
Mháoisi:
3 Ar a nadhbharsoin gach uile ni a
déaruid síad ribh h do choimhéad, coimh-
éaduidh agus déanaidh [iad:] achd ná
déanuidh do réir a noibrighthe: Oir a
deirid síad, agus ní dhéanuid.
4 Oir ceangluid úaluighe troma dó-
lomchuir, agus cuirid iad ar shlinnéa-
nuibh na ndáoine: gidheadh ní háill
léo féin cor do chur dhiobh ré háon da
méaruibh.
5 Achd cheana is do chum go bhféach-
faidís dáoine órrtha do níd síad a noi-
brighthe uile: óir do níd síad a bhpio-
lactérighe leathna, agus do níd síad
imeal a neaduigheadh taidhbhseach.
6 Agus as ionmhuin léo an céadionad
suidhe ann sna féasduidhibh: agus na
céadchaithireacha annsna coimhthionó-
luibh.
7 Agus fáiltighe dfagháil ar na mar-
guidhibh, agus dáoine do ghairm Rábbi,
Rábbi, dhíobh.
8 Achd ná goirthear Rábbi dhíbhsi: óir
is aónmhaighisdir a tá agaibh, Críosd: &
is dearbhráithreacha dhá chéile sibh
féin uile.
9 Agus na goiridh bhur nathair do
dhuine ar bith ar talamh: óir is áonathar
a tá agaibh, noch a tá ar neamh.
10 Na goirthear doctúiridhe dhibh:
óir is áonndoctúir a tá agaibh, Críosd.
11 Achd an té is mó eadruibh, biodh
sé na óglach aguibh.
12 Oír giodh bé áirdeochus é féin ísl-
eochthar é, & giodh bé ísleochas é féin,
airdeochthar é.
13 Ach is anáoibhinn dáoibhsi a Sgrío-
buidhe & a Fhphairisíneacha, a luchd an
fhúarchrábhuidh, do bhrígh go ndruid-
thí rioghachd neimhe rés na dáoinibh:
oír ní théighthi féin a sdeach, agus ní
fhuilngthí don luchd a tá ag dul a
sdeach, dul ann.
14 Is anáoibhinn dáoibh a Sgríobuidhe
& a Fhphairisíneacha, a luchd an fhúar-
chrábhaidh, oír ithtí tíghe na mbain-
treabhach, & sin fós ar sgáth bheith go
fada ag urnuighe: ar a shon so do geabh-
tháoi an breitheamhnus is truime.
15 Is anáoibhinn dáoibh á Sgríobuighe
& a Fhphairisíneacha, a luchd an fhúar-
chrábhaidh, oír gabhtháoi timcheall mara
& tire do chum go ndéanadh sibh áonn-
duine ar bhar ríaghail féin, & an tráth
bhíos sé déanta, do níthí mac ifeirnn de
ní sa mho fá dhò ná dhíbh féin.
16 Is anáoibhinn dáoibh a thréoruigh-
the dalla, a deir, Gidh bé duine bhéaras
an teampoll mar mhionna, ni ní ar bith
é: achd gidh bé bhéaras ór an teampoill
mar mhionna, a ta sé cionntach.
17 A dháoine leamha, dalla: an mó an
tór, ná an teampoll náomhas an tór?
18 Agus gidh bé duine bhéaras a nal-
tór mar mhionna; ni bhfuil éfeachd ann:
ach gidh bé duine bhéaras an tiodhlacadh
a tá uirrthe mar mhionna, do ní sé coir.
19 A dháoine leamha dalla, an mó a
nòthráil nà a naltóir náomhas a nothráil?
20 Ar a nadhbharsóin gidh bé bheir a
naltóir mar mhionna, do bheir sé i féin,
& gach ní dhá bhfuil uirrthe mar
mhionna.
21 Agus gidh bé bheir an teampoll
mar mhionna, do bheir sé é féin, & an
té a tá na chomhnuidhe ann, mar
mhionna.
22 Agus gidh bé neach do bheir
neamh mar mhionna, do bheir sé caithír
Dé & an tí a tá na shuidhe uirrthe, mar
mhionna.
23 Is anáoibhinn dáoibh a Sgríobuidhe
& a Fhphairisíneacha, a luchd an fhúar-
chrábhaidh, oír gabhtháoi deachmhuidh
an mhionntais, & na hairíse, & an choi-
min; & leigthí tharuibh an chuid is
tábhachduigh don dligheadh, comhthrom,
& trocaire, & fírinne: do budh cóir
dháoibh iad so do dhéanamh, & gán iad
súd dfágbháil gan déanamh.
24 A threoruighthe dalla, sgagus an
mhioltóg, & shluigeas an cámhall.
25 Is anáoibhinn dáoibh a Sgríobuidhe
& a Fhphairisíneacha, a luchd an
fhúarchrábhaidh, oír glantáoi an chuid a
muigh don chupán & don mhéis, achd a
táid síad táobh a sdigh lán do shracai-
reachd & déagcóir.

26 A Fhphairisínigh dhoill, glan ar
tús an chuid a sdigh don chupan agus
don mhéis,do chum go mbiadh an táobh
a muigh dhiobh glan mar an gcéadna.
27 Is anáoibhinn dáoibh a Sgriobuidhe
agus a Fhphairisíneacha, a luchd an
fhúarchrábhuidh, oir is cosmhuil sibh ré
túamuidhibh fionnáolta a tá deaghmhai-
seach don taóbh a muich, agus a tá a
sdigh lán do chnámhaibh dáoine marbh,
agus dá gach uile shalchar.
28 Is mar an gcéadna a táthaoisi leith
a muich a bhfiadhnuisi na ndáoine bhar
bhfíréanchuibh, achd don táobh a sdigh a
tátháoi lán dfúarchrábhadh & déagcóir.
29 Is anáoibhinn dáoibh a Sgriobuidhe,
agus a Fhphairisíneacha, a luchd an
fhúarchrábhuidh, oir do nithí túamuidhe
do na Fáidhibh, & deaghmhaisighthí
leachduighe na bhfíréanach:
30 Agus a deirtí, Da mbémís [ann]
a láithibh ar naithreach, ní bhémis páir-
teach ríu a bhfuil na bhfáidheadh.
31 Agus is mar sin do nithí fiadh-
nuisi bhar naghuidh féin, gur ab sibh
clann na muintire úd do mharbh na
faidhe.
32 Agus líonuidhsi mar an gcéadna
miosúr bhar naithreach féin.
33 A naithreacha neimhe, a shlól na
naithreach neimhe, cionnas is éidir libh
teitheadh ó dhamnughadh ifeirn?
34 Ar a nadhbharsoin, féuch cuirim-
se chugaibh fáidhe, agus daoine glioca,
agus Sgriobuidhe, agus cuirfidhísi chum
bais, agus crochfuidhthí cuid dhíobh,
agus sgiúrsfuidhthí cuid éile ann bhur
sionagógaibh, agus dibéortháoi íad ó
chathair go cathair.
35 Do chum go dtiocfadh oruibh gach
uile fhuil fhiréanta dar dóirteadh ar an
dtalamh, ó fhuil Abél fhiréanta go fuil
Shacharías mhic Barachías,noch do mhar-
bhabhairsi eidir an teampoll & a naltóir.
36 Go firinneach a deirimsi ribh, go
dtiocfuid na neithesi uile ar an dinesi.
37 A Járusaléim, a Járusaléim, mhar-
bhus na faidhe, agus ghabhus do chlo-
chuibh ar an luchd chuirthear a ttíon-
faidh,créd a mhionca do budh áill leam
do chlann do chruinniughadh, mar
chruinnigheas an chearc a gearrcuigh fa
sgiathánaibh, & níor bháill leachd!
38 Féuch, fágfuithear bhur dtigh a-
gaibh na fhásach.
39 Oir a deirimsi ribh, nach bhfaic-
fithí misi feasda, no go nabarthaoi, Is
beannuighthe an tí thig a nainm an Ti-
ghearna.

CAIB. XXIV.

Comharthadha roimh scrios Jarusalem. 29. & roimh dheireadh an domhain.

AGus ar bhfagbháil an teampuill Díosa,
do imthigh sé: agus tangadar a
dheisciobuil chuige do thaisbéanadh oi-
breach an teampuill dó.
2 Agus a dubhairt Jósa riu, An bfaic-
thí iad so uile? go firinneach a deirim-
si ribh, nach bfúigfidhthear cloch ar muin
chloiche ann so, nach sgáoilfidhthear.
3 Agus ar suidhe dhó ar shliabh na no-
luidheadh, do chuadar a dheisciobuil
chuige go priobhaideach, ag rádh, Innis
dúinne, gá húair thiocfuid na neithesi
chum criche, & créd é comhartha do
theachdasa, & dheiridh an tsáoghail?
4 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt
sé riu, Tabhruidh dá bhar naire nach
meallsa éinneach sibh.
5 Oir tiocfuid móran am mainmsi
ag rádh, Is misi Criósd, agus meallfuid
morán.
6 Do chluinfithí cogthuidhe, agus tua-
rasgbháil cogthadh: tabhruidh dá bhur
naire gan búaidhreadh do bheith oruibh:
Oír is éigin na neithesi uile do theachd
chum criche: achd ní bhfuil deireadh
ann fós.
7 Oir éiréochuidh cineadh a naghaidh
cinidh, & ríoghachd a naghaidh ríogh-
achda: & beid górta, & pláigheanna, &
crioth talmhan a mórán dáitibh.
8 Achd ní bhfuil ionnta so uile achd
tosach amhgar.
9 Ann sin do bhéaruid siad sibhsi dá
bhur gcéasadh, agus muirfid sibh: agus
biaidh fúath ag na huile chineadhachuibh
dháoibh ar son mhanmasa.
10 Ann sin do gheabhuid móran adh-
bhar oilbhéime, & braithfid dáoine a
chéile, & biaidh fúath aca dhá chéile.
11 Agus éiréochuid mórán dfáidhibh
fallsa, & meallfuid mhórán.
12 Agus do bhrígh go mbía a néag-
cóir ar na meadughadh, fúairéochuidh
carthannachd mhóráin.
13 Achd gidh bé bhías seasmhach go
deireadh, a sé shláineochthar.
14 Agus do dhéantar an soisgéulsa na
ríoghachda, do sheanmóir ar feadh an
domhain uile, mar fhiadhnuisi do na
huile chineadhachuibh: & ann sin tio-
fuidh an deireadh.
15 Ar a nadhbharsoin an tráth do
chifidhe adhúathmhuireachd an Léirsgris
air ar labhair Dániel fáidh, na seasamh
ann sa nionad choisearga: (tuigeadh an
té léaghas.)
16 Ann sin an luchd bhías a ttír Jú-
daighe, teitheadh siad fá na sléibhtibh:
17 An té a tá ar mhullach an tighe, na
tigeadh sé a núas do bhreith neithe ar
bith leis as a thigh.
18 Agus an té a tá ar an machaire,
na filleadh sé ar ais do thógbháil a éa-
duighe leis.
19 Agus budh trúagh do na mnáibh
torrcha, agus don luchd do bheir cíche
úatha ann sna laithibhsin.
20 Agus guidhidh gan bhur dteitheadh do
bheith ann sa ngeimhreadh, na sa tsabóid.
21 Oir biaidh amhgar mór ann sa
tráthsoin, amhail nach raibh ann ó thús
an domhain gus a nois, agus nach biá
go bráth.
22 Agus muna ngearruighthí na
laéthe

laéthe úd, ní rachadh ſeóil ar bith as:
achd gearrſuighthear na laéthe úd
ar ſon na ndáoine toghtha.
23 Ann ſin ma deir áonduine ribh,
Féuch a tá Críosd ann ſo, nó ann ſiúd,
ná creididh [é.]
24 Oir eiréochuidh Críoſdanna fallſa,
agus ſaidhe fallſa, & do dhéanuid co-
mharthuidhe & miorbhuile móra: ionnas
go meallſuid ſiad (dá madh éidir é) na
dáoine toghtha ſéin.
25 Féuch, tug mé ſgéula dháoibh roi-
mhe a naimſir.
26 Ar a nadhbharſoin dá nabruid ſiad
ribh, Féuch a tá ſé ar an bhfáſach, na
himdhigh amach: Féuch ata ſé a ſeómrui-
dhibh úaigneacha, ná creididh [ſin.]
27 Oir do réir mar thig téinnteach ó
a náird ſhoir, agus do cíthear í go
ſoithe a náird ſhiar: mar ſin bhías teachd
mhic an duine.
28 Oir gidh bé ball ann a mbía an
conablach, is ann ſin chruinneochthar
na hioluir.
29 Ar an mball a ndíaigh trioblóide
na laitheadh úd, biaidh an ghrian ar na
dorchughadh,& ní thiobhra an ghealach
a ſoillſi [úaithe,] agus tuitfid na réulta
do neamh, agus craithſidhthear ſubháil-
cidhe neimhe.
30 Ann ſin do chífidhthear comhartha
mhic an duine ar neamh: agus ann ſin
caóifid treabha na talmhan uile, agus do
chífid mac an duine, ag teachd a néul-
laibh neimhe maille ré cumhachdaibh,
agus ré glóir mhóir.
31 Agus cuirfidh ſé a aingil le trom-
pa agus lé guth mór, agus cruinneochuid
ſiad a dháoine toghthaſan ó na ceithre
gíothaibh, ó leithimeal neimhe go ſoithe
an leithimeal eile dhe.
32 Agus foghlomuidh coſamhlachd ón
chrann fige: a núair bhíos a ghéag máoth
& fháſas a dhuilleabhar, áitheantar gur
ab fogas an ſamhradh.
33 Mar an gcéadna bíth a fhios agaibhſi,
an tráth do chífidhe na neithiſi uile, go
bhfuil ſé a ngar dháoibh, ann ſna doirſibh.
34 A deirim ribh go fírinneach, nach
racha an díneſi thoruinn nó go ndéantar
na neitheſi uile.
35 Rachuidh neamh agus talamh thort:
achd ní rachuid mo bhríathraſa thort
go bráth.
36 Achd ní bhfuil fios an láoi ná na
húaire úd 'ag duine ar bith, ná fós ag aing-
libh neimhe, achd ag mathairſe amháin.
37 Agus amhuil laéthe Náoi, is mar
ſin bhías teachd mhic an duine.
38 Oir mar do bhádar ann ſna laé-
thibh ré ndílinn ag ithe agus ag ol, ag
póſadh ban & ag tabhairt ban dfearuibh,
go ſoithe an lá an a ndeachuidh Náoi
a ſdeach ann ſa Nairc:
39 Agus ní raibh a fhios aca nó go
dtáinic an díle, & gur thógaibh ſi lé iad
uile; is mar ſin bhías teachd mhic an
duine.
40 Béid días ar an machaire an tráth-
ſoin: géubhthar lé fear aca, agus ſuig-
ſidhthear an fear eile.
41 Béid días ban ag meilt ann ſa mhui-
leann: géubhthar lé mnáoi aca, & ſuig-
ſidhthear an bhean eile.
42 Ar a nadhbharſoin déanuidhſi faire:
oír ní bhfuil a fhios agaibh gá húair
thiocfas bhur Dtighearna.
43 Achd bíodh a fhios ſo agaibh, dá
mbeath a fhios ag fear an tighe cia an
uair a dtiocfadh an gaduidhe, go deimhin
do dhéanadh ſé faire, agus ní ſhuiléon-
gadh ſé a thigh do thochailt tríd.
44 Agus ar a nadhbharſoin bithiſi ul-
lamh: oír is ann ſa núair nach ſaoiltí-
thiocfas mac an duine.
45 Uime ſin cía a tá na óglach fhí-
rinneach ghlic, noch do chuir a Thighear-
na ós cionn a mhuinntire do thabhairt
bhídh dhóibh na am féin?
46 Is beannuighthe an tóglach úd, á
bhfuighe a Thighearna ag teachd, e dhá
dhéanamh mar ſin.
47 Go fírinneach a deirimſi ribh, go
gcuirfe ſé os cionn a bhfuil aige é.
48 Achd má a deir an drochſhearbh-
foghantuidhe úd anna chroidhe, A tá mo
Thighearna ag cur a theachda a righneas.
49 Agus má thionnſgnann ſé a chomh-
ſhearbhfhoghbantuidhe féin do bhúaladh,
agus fós bheith ag ithe agus ag ól a
bhfochair luchd meiſge:
50 Tiocfuidh Tighearna a nóglaoich
úd ann ſa lá nach bhfuil ſúil aige ris, &
ann ſa núair nach bhfuil a fhios aige:
51 Agus roinnfidh ſé é, & do bhéara ſé
a chuid dó a bhfochair luchd an fhúar-
chrábhaidh, mar a mbía gul agus gíoſgán
fiacal.

CAIB. XXV.

Coſmhalacht na ndeichneabhar maighdean, 14 na ttallanna, 31 & foirm an mhoir-bhreitheamhnuis.

ANn ſin budh coſmhuil ríoghachd nei-
mhe ré deichneabhar maighdean do
ghlac a lampuidhe, & do chúaidh a mach
do theagmhail ar an bhfear núaphóſda.
2 Agus do bhí cúigear dhíobh glic, &
cúigear eile cínmhideach.
3 Agus an chuid do bhí oinmhideach, ar
nglacadh a lampuidhe ní rugadar ola léo;
4 Achd an chuid do bhí glic, rugadar
ola ann a ſoithighibh léo ré cois a
lampuidhe.
5 Agus ar ndéanamh moille don fhior
núaphóſda, do thuit ſmédearnach chodal-
ta orrtha uile, agus do chodladar.
6 Agus ann ſa meadhón oidhche, do
rinneadh gáir, Féuch a tá an fear nuaphoſ-
da ag teachd, imdhighidh a mach do
theagmháil air.
7 Ann ſin do eirgheadar na hógha uile,
& do dheaſuigheadar a lampuidhe.
8 Agus a dubhradar na hoinmhide ris
an gcuid nglic, Tabhruidh dhúinne cuid
da bhur nola: oír a tád ar lampuidhene
ar ndul as.
9 Achd do fhreagradar an cuid ghlic,

ag rádh, Ar eagla nach biadh ar ſáith a-
guinn féin, & aguibhſi; imdhighſi ní as
táoſga chum na gceannuightheadh, agus
ceannchuighe [ola] dhibh féin.
10 Agus an feadh do bhádar ag dul
do cheannach, táinic an fear núaphósda:
& an chuid úd do bhí ullamh, do chúa-
dar leis a ſdeach chum an phósda, &
do hiadhadh an dorus.
11 Agus na dhíaighſin tángadar na
hógha eile, ag rádh, A Thighearna, a
Thighearna, oſguil dúinne.
12 Agus ar bhfreagra dhóſan a du-
bhairt ſé, Go fírinneach a deirim ribh,
nach bhfuil a fhios agam cia ſibh.
13 Ar a nadhbharſoin déanuidh faire,
óir ní bhfuil fios an láoi ná na húaire
agaibh an a dtiocfuidh mac an duine.
14 Oír amhuil as do ghoir duine ag
dul a gcoigcrích, a ſhearbhfhoghantuidhe
[chuige] & tug ſé a ſhaidhbhreas dóibh:
15 Agus tug ſé cúig tallanna do dhuine
aca, & do dhuine eile a dó, agus a
háon do dhuine eile: do gach neach do
réir a acfuinne: agus ar an mball do
imthigh ſé a gcoigcrích.
16 Agus do imthigh an té fúair na
cúig talanna, agus do rinne ſé ceannuigh-
eachd leó, agus do ghnodhuigh ſé cúig
tallanna eile leó.
17 Agus ar a nós gcéadna an té fúair
an dá thallainn, do ghnodhuigh ſéiſean dá
thalluinn eile.
18 Achd do imthigh an té úd fúair a
náontallunn, agus do rinne ſé tochuilt
ann ſa talamh, agus do fholuigh ſé air-
gead a thighearna [ann].
19 Agus tar éis aimſire faide, táinic
tighearna na ſearbhfhoghantuidheadh
úd, agus do ní ſé cúntus riu.
20 Agus ar dteachd don té fúair na
cúig tallanna, tug ſé cúig tallanna eile
leis, ag rádh, A thighearna, cúig tallanna
tug tú dhamhſa: féuch, do ghnodhuigh
mé cúig tallanna eile leó.
21 Agus a dubhairt a thighearna ris,
Is maith ſin, a ſhearbhfhoghantuidhe
mhaith fhírinnigh, do bhí tu ionnruic ar
bheagán, cuirfidh mé ós cionn mhórain
thú: imthigh a ſdeach a ngáirdeachus
do thighearna féin.
22 Agus ar dteachd chuige don té úd
fúair an dá thallann, a dubhairt ſé, A thi-
ghearna, is dá thallann tug tú dhamhſa:
féuch do ghnodhuigh mé dhá thallann eile
leó.
23 A dubhairt a thighearna ris, Is maith
ſin, a ſhearbhfhoghantuidhe mhaith ionn-
ruic: do bhí tu ionnruic a mbeagan, cuir-
fidh miſi ós cionn mhoráin thú, imthigh a
ſdeach a ngáirdeachas do thighearna féin.
24 Agus ar dteachd don té úd fúair a
náontallan a dubhairt ſé, A thighearna,
do bhí a fhios agam gur dhuine crúaidh
thú, bhéanus ann ſa náit nar chuir tú ſíol,
agus chruinnigheas ann ſa náit nach ar
eathnuigh tú:
25 Uime ſin do ghabh eagla miſi, &
do imthigh mé agus do ſholuigh mé do
thallánn ann ſa talamh: féuch, ag ſin do
chuid féin agad.
26 Agus ar bhfreagra dhá thighearna,
a dubhairt ſé ris, A dhroichſhearbhfho-
ghantuidhe fhallſa, do bhí a fhios agad
go mbeanuimſi ann ſa náit nach dearna
mé ſíolchur, agus go gcruinnighim ann
ſa náit nar leathnuigh mé:
27 Uime ſin do budh cóir dhuitſi mo
chuid airgid do thabhairt do luchd ion-
luit, agus ag teachd damh do gheabhuinn
mo chuid féin maille lé biſeach.
28 Ar a nadhbharſoin beanuigh dhe an
tallann, agus tabhruidh é don tí úd aga
bhfuilid na deich dtallanna.
29 (Oír do bhéarthar do gach duine
agá bhfuil [ni] aige, agus biaidh a ſháith
aige: achd an té a tá gan ní aige, tóig-
eabhthar úadh fós an ní a tá aige.)
30 Agus teilgidh an ſearbhfhoghan-
tuidhe neamhtharbhach ann ſa dorcha-
dus a tá leith a muich mar a mbía gul
agus gíoſgan fíacal.
31 Agus an tráth thiocfas mac an
duine an a ghlóir féin, agus na haingil
náomhtha uile maille ris, ann ſin ſuidh-
fidh ſé ar chaithír a ghlóire féin.
32 Agus cruinnéochthar na huile chi-
nidheacha an a fhiadhnuiſi: agus dealó-
chuidh ſé ó chéile iad, mar dhealuigheas
an táoghaire na cáoirigh ó na meannáin.
33 Agus cuirfidh ſé na cáoirigh ar a
láimh dheis, agus na meannáin ar a
láimh chlé.
34 Ann ſin a déara an Rí ris an luchd
bhias air a láimh dheis, Tigidh a dháoine
beannuighthe mhatharſa, gabhuidh chu-
gaibh oighreachd na ríoghachda a tá ar
na hullmhughadh dháoibh ó thoſach an
domhuin.
35 Oír do bhí ocarus oram, agus tu-
gabhair ní ré a ithe dhamh: do bhí tart
oram, agus tugabhair deoch dhamh: do
bhí mé am dhuine coigcriche, & tugabhair
áoidheachd dhamh.
36 [Do bhí mé] lomnochd, & do chei-
reabhairſi éadach umam: do bhí mé tinn,
& tangabhair dom fhéachuin: do bhí mé
a bpríoſún, & tangabhuir dom jonnſaidh.
37 Ann ſin freagóruid na fíréanuigh é,
ag rádh, A Thighearna, gá húair do
chonncamairne ocaras ort, & do ſháſ-
mar thú? nó tart ort, agus tugamar
deoch dhuit?
38 Agus gá húair do chonncamar ad
choigcrích thú, agus tugamar áoidheachd
dhuit? nó lomnochd, agus do chuireamar
éadach umad?
39 Nó gá húair do chonncamar tinn, no
a bpríoſún thú, agus tangamar chugad?
40 Agus freagóruidh an Rí, & a déa-
ra ſé ríu, A deirim ribh go fírinneach, an
feadh do rinneabhair é don duine is lu-
gha do na dearbhráithreachaibhſi agum-
ſa, go ndearnabhair dhamhſa é.
41 Ann ſin a déara ſé mar an gcéadna
ré luchd na láimhe clí, A dháoine mal-
luighthe, imthidhidh úainn ann ſa teinidh
ſhiorruidhe

shíorruidhe, atá ar na hullmhughadh don
diabhal agus dá ainglibh:
42 Oir do bhí mé ocrach, agus ní
thugabhair biadh dhamh: do bhí tart
oram, & ní thugabhuir deoch dhamh.
43 Do bhí mé coigcríche, agus ní
thugabhair áoidheachd dhamh: do bhí
mé lomnochd & níor chuireabhair éadach
umam: do bhí me éagcrúaidh & a bpríosún, & ní thangabhair dom fhéachuin.
44 Ann sin do bhéaruid siadsan mar
an gcéadna freagra air, ag rádh, A Thighearna, gá húair do chonncamaire ocarach, nó tartmhar, ná ad dhéoruigh,
no lomnochd, nó éagcrúaidh, no a
bpriosún tú, agus nach dearnamar friotholamh dhuit?
45 Ann sin do bhéara seisean freagra
orrtha, ag rádh, A deirim ribh go firinneach, an mhéid nach dearnabhair é
dhéinneach don mhuinntir roibhigsi,
nach dearnabhair dhamhsa é.
46 Agus iméochuid so a bpeannuid
shíorruidhe: achd [iméochuid] na firénuigh don bheathuigh mharthanuigh.

CAIB. XXVI.

Na preasáide ar pháis Chriosd. 26 & ordughadh na Comainigh naomhtha.

AGus tárla an tan do chríochnuigh
Iósa na briathrasa uile, go ndubhairt
sé ré na dheisciobluibh.
2 A tá a fhios agaibh go bhfuil an
Chaisg tair éis dá lá, & go dtiobharthar
mac an duine dá chrochadh.
3 Ann sin do chruinnigheadar úachdaráin na sagart & na Sgríobuidhe agus
seinnsir an phobuil go halla a nárdshagairt, dá ngoirthior, Cáiaphas.
4 Agus do rinneadar comhairle ré
chéile, do chum go mbéaraidís ar Iósa a
bhfeill, agus go muirfidís é.
5 Achd a dubhradar, Na déanam [é]
ann sa bhféasda, deagla go mbiadh
búaidhreadh a measg an phobuil.
6 Agus an tráth do bhí Iósa a Mbetánia a dtigh Shimóin an lóbhair,
7 Tainic bean chuige agá raibh boxa
dola rouásuil, & do dhóirt sí [é] ar a
cheannsan, & é na shuidhe ar an mbórd.
8 Agus ar na fhaicsin sin dá dheisciobluibhsean, do rinneadur míchéudfuidh, ag
rádh, Créd da bhfoghnann an diombhailsi?
9 Oir do béidir a nolasa do reic ar
mhórán, & a tabhairt do na bochduibh.
10 Agus an tan do aithin Jósa [so], a
dubhairt sé ríu, Créd fa gcuirthí búaidhreadh ar an mnáoi? oír do rinne sí
obair mhaith am thimcheallsa.
11 Oir béid boichd do ghnáth agaibh:
achd ní bhia misi do ghnáth bhur bhfochair.
12 Oir ar ndórtadh na holasa ar mo
chorpsa dhi, is fa chomhair madhluice
do rinne sí é.
13 A deirim ribh go firinneach, gidh
bé ar bith ball ar feadh an domhuin a
ndéantar an sóisgéulsa do sheanmóir, go
naithréosdar mar an gcéadna an nisi do
rinne an bheansa, mar chuimhne uirrthe.
14 Ann sin do imthigh fear don dá
fhear dhég, dar ab ainm Iúdas Isgairiótes, chum úachdarán na sagart.
15 Agus a dubhairt sé ríu, Créd do
bhéarthaoi dhamhsa agus braithfidh mé
dháoibh é? agus do mheadhuigheadar
dhó deich bhpíosa fhichead airgid.
16 Agus ó sin a mach, do iarr sé úain
airsean do bhrath.
17 Agus an céadlá a naráin gan
laibhín, tangadar a dheisciobuil chum
Iósa, ag rádh ris, Cia a náit an a toil
leachd sinne do dhéanamh ullmhuighthe
dhuit do chaitheamh na Cásga?
18 Agus a dubhairt seisean, Imdhigh
don chathruigh go duine áirighe, agus
abruidh ris, A deir an maighisdir, A tá
maimsear ag drud riom, is ad thighsi do
dhéana mé fein, agus mo dheisciobuil an
Cháisg.
19 Agus do rinneadar na deisciobuil
mar do aithin Iósa dhíobh: agus do
ullmuigheadar an Cháisg.
20 Agus an tan do bhí deireadh an
láoi ann, do shuidh sé a bhfochair an dá
fhear dhég.
21 Agus ar mbeith ag ithe [bidh]
dhóibh, a dubhairt sé, A deirim ribh go
firinneach, go mbraithfi fear dhibh, misi.
22 Agus do ghabh dobrón romhór
iadsan, agus do thionnsgain gach duine
aca fa leith a rádh ris, An misi é a Thighearna?
23 Agus ar bhfreagra dhósan, a dubhairt sé, An té thumas a lámh ann sa
méis am fhochairsi, a sé bhraithfeas misi.
24 Go deimhin a tá mac an duine ag
imtheachd do réir mar sgriobhthar air,
achd is anáoibhinn don té lé mbraithtear
mac an duine: do budh maith dhó nach
béarthaoi é.
25 Agus ar bhfreagra do Iúdas, do
bhraith eisean, A dubhairt sé, an misi é,
a mháighisdir? a dubhairt seisean ris, A
dubhairt tú [é.]
26 Agus ar mbeith ag ithe bidh
dhóibh, do ghlac Iósa arán, agus tar éis a
bheannuighthi, do bhris, & tug sé dhá
dheisciobluibh [é], agus a dubhairt sé,
Glacuidh, ithidh, a sé so mo chorpsa.
27 Agus ar mbreith ar an gcupán dó,
agus ar dtabbairt bhuidheachuis, tug sé
dhóibh é, ag rádh, Ibhidh uile as so.
28 Oir is í so mfuilsi na tiomna núaidhe
dhoirtear ar son mhóráin chum maitheamhnuis na bpeacadh.
29 A deirim ribh, Uadh so súas, ni
íobha mé don toradhsa na fíneamha, go
soithe an lá úd an a niobha mé é go nua
máille ribhsi a ríoghachd mathar.
30 Agus a núair do chanadar salm,
do chuadar a mach go sliabh na nOluidheadh.
31 Ann sin a deir Iósua ríu, Do
gheabhthaoi uile oilbhéim ionnamsa a
nochd: Oir a tá sgríobhtha, Buailfidh mé
an táodhuire, agus scabfuidhthear cáoirigh an tréada.

32 Agus tar éis miſi eiſeirghe, rachuidh
mé romhuibh don Ghalilé.
33 Agus ar bhfreagra do Pheadar, a
dubhairt ſé ris, Da mbeith go bhfuighidis
cách uile oilbhéim ionnad, ní bhfui-
ghe miſi oilbhéim ionnad go bráth.
34 A dubhairt Ióſa riſean, A deirim
riot go firinneach, ſuil ghláoidhfeas an
coileach a nochd, ſéanfa tú mé trí húaire.
35 A deir Peadar ris, Go deimhin más
éigin damh bás dfulang ad fhóchair, ní
ſhéanfa mé thú : agus a dubhradar na
deiſciobuil uile mar an gcéadna.
36 Do chúaidh Ióſa léo an trathſoin
do nionadh dá ngoirthear Gédſémane :
agus a deir ſé ré na dheiſciobluibh,
Suidhighſi ann ſo, go ndeacha miſi do
dhéanamh urnuighthe ann ſúd a nunn.
37 Agus ar mbreith Pheadair agus
deiſi mac Sebedei leis, do thionnſgain ſé
bheith go dobrónach agus go rothuir-
ſeach.
38 Ann ſin a deir ſé ríu, A tá mha-
nám lán do dhobhrón go ſoithe an bhás :
fanuidhſi ann ſo, agus déanaidh faire am
fhochair.
39 Agus ar nimtheachd dó beagán
[as ſin] do leig ſé é féin ſíos ar a
aghuidh ag déanamh urnuighe, agus ag
rádh, A athair, mas éidir é, gabhadh an
cupánſa thoramſa, achd cheana na biodh
ſé már is toil leamſa, achd már is áill
leatſa.
40 Agus tig ſé chum a dheiſciobal, &
do gheibh ſé na gcodladh iad, agus a
deir ſé ré Peadar, An mar ſin nar bhéi-
dir libh faire do dhéanamh áonuáir a
mháin am fhochairſi ?
41 Déanuidh faire & urnuighthe, do
chum nach ttuitfeadh ſibh a gcathughadh.
A tá an ſpiorad go deimhin ullamh,
achd a tá an cholann anbhfann.
42 Do imthigh ſé an dara húair, & do
rinne ſé urnuighthi, ag rádh, A athair,
má tá nach éidir leis an gcupánſa dul
thoram gan mé dhá ol, deantar do thoilſe.
43 Agus ar dteachd dhó, fúair ſé a rís
na gcodladh iad: Oír do bhádar a ſúile
tróm.
44 Agus ar na bhfagbháil, do im-
thigh ſé a rís, agus do rinne ſé urnuighe
an treas úair, ag rádh na mbríathar
gcéadna.
45 Ann ſin tig ſé chum a dheiſciobal,
agus a deir ſé ríu, Codluidh feaſda, agus
comhnuighidh ; féuch do dhruid a núair
rinn, agus a tá mac an duine agá tha-
bhairt a lámhaibh na bpeacach.
46 Eirghidh, bíom ag imtheachd, féuch,
is fogus [dúinn] an té bhraitheas miſi.
47 Agus an feadh do bhí ſé ag rádh
ná mbríatharſa, féuch, táinic Júdas duine
don dá fhear dhég, & cuideachda mhór
na fhochair maille lé cloidhmhibh & lé
batuidhibh, ó úachdaránuibh na ſagart,
agus ó ſhinnſearuibh an phobail.
48 Achd tug an fear do bhrath é
comhartha dhóibhſean, ag rádh, Giodh
bé neach dhá dtiobhra miſi póg, a ſ[é]
ſin é : beiridh air.
49 Agus ar an mball a núair th[ái]-
nic ſé chum Ióſa, a dubhairt ſé, go
mbeannuighthear dhuit a mhaighiſdir ;
agus tug ſé póg dhó.
50 Agus a dubhairt Ióſa riſean, A chara,
créd fá dtáinic tú ? tangadarſan an
tráthſoin, agus do chuireadar lámh a
Nioſa, agus do ghabhadar é.
51 Agus féuch, ar ſineadh a láimhe
dfior don mhuintir do bhí a bhfochair
Ióſa, do tharraing ſé a chloidheamh a
mach & ar mbúaladh ſhearbhfhoghan-
tuighe a nárdſhagairt do bhean ſé a
chlúas de.
52 Ann ſin a deir Ióſa ris, Cuir do
chloidheamh a rís an a ionad féin: Oír
gach uile dhuine ghlacus cloidheamh, is
le cloidheamh thuitfeas ſé.
53 A né nach ſaoileann tú gur ab
éidir leamſa mathair do ghuidhe a nois,
& do bhéaradh ſé dhamh do láthair ní
ſa mhó ná dhá léghión dég dainglibh?
54 Achd cionnas do coimhlionfuidhthe
mar ſin na ſgrioptúiri, gur ab mar ſo is
éigin a bheith.
55 A dubhairt Ióſa ris a tſlúagh a
núairſin, Tangabhair a mach amhuil chum
biothumhnaigh le cloidhmhe agus lé ba-
tuidhe dom ghlacadhſa ; do bhínn am
ſhuidhe gach áon lá eadruibh ſa teampoll
ag teagaſg, & ní rugabhair oram.
56 Achd táinic ſo uile chum críche,
ionnas go gcoimhlionfuidhthe ſgrioptúi-
ridh na bhfáidheadh. Ar na thréigean dí
dheiſciobluibh uile ann ſin, do theith-
eadar.
57 Agus ar mbreith ar Ióſa dhóibh-
ſean, rugadar léo chum Caipháis an tárd-
ſhagart [é,] mar a rabhadar na
Sgríobuidhe agus na ſinnſir cruinn.
58 Agus do lean Peadar a bhfad úadh
é, go halla a nárdſhagairt: agus ar
ndul a ſdeach dhó, do ſhuidh ſé a bhfo-
chair na ſearbhfhoghantuidheadh, do
chum go bhfaicfeadh ſé an deireadh.
59 Agus do iarradar úachdaráin na ſa-
gart & na ſeinnſir & an chomhairle uile
fiadhnuiſi bhréige a naghuidh Jóſa, ion-
nas go gcuirfidis chum báis é.
60 Agús ní fhúaradar ; agus fós gé
thangadar mórán dfiadhnuiſibh fallſa, ní
fhúaradar. Agus fa dheireadh ar dteachd
do dhiás dfiadhnuiſibh bréagacha,
61 A dubhradar, A dubhairt an fearſo,
Is éidir leamſa teampoll Dé do leagadh,
agus a thógbhail a dtrí lá.
62 Agus ar neirghe do nárdſhagart, a
dubhairt ſé ris, Créd fa nach ttugann tú
freagra éigin úait ? créd fá bhfuilid ſo
ag déanamh fiadhnuiſi ad aghuidh :
63 Gidheadh níor labhair Jóſa áonfho-
cal. Agus do fhreagair an tárdſhagart,
agus a dubhairt ſé ris, Cuirim ort a
huchd Dé bhí, innſin dúinn, an tú
Críoſd mac Dé.
64 A deir Ioſa ris, A dubhairt tuſa
[é :]

[é:] achd cheana a deirimsi ribh, Na dhiáigh so do chifidhe mac an duine na shuidhe ar deas láimh chumhachd Dé, agus ag teachd a néulluibh neimhe.

65 Ann sin do réub an tárdshagart a éaduighe, ag rádh, Gur labhair sé blaisphéime: créd í a nuireasbhuidh fiadhnuisi a tá oruinn ní sa mó? féuch do chúalabhair a nois a bhlaisphéime.

66 Créd do cìthear dháoibhsi? agus ar bhfreagra dhóibhsean, a dubhradar, Do thuill sé bás.

67 Ann sin do ghabhadar do sheilidhibh an a éadan, & do ghabhadar do bhasuibh air: & do ghabhadar dream eile do shlataibh air,

68 Ag rádh, Déuna faidheadoíreachd dhúinn a Chriosd, cía bhúail thú.

69 Agus do bhí Peadar na shuidhe a muigh ann sa halla: agus táinic cailin áiridhe chuige, ag rádh: Do bhí tusa leis a bhfochair Iósa an Galiléach.

70 Achd do shéan seisean a bhfiadhnuisi cháich uile, ag rádh: Ní fhidir mé créd a deir tú.

71 Agus ar ndul a mach dhó ann sa phóirsi, do chonnairc [cailin] eile é, agus a dubhairt sí rís an luchd do bhí a láthair: Do bhí an fearsa leis a bhfochair Iósa Násardha.

72 Agus do shéan sé a rís maille ré mionnaibh, Ní haithne dhamh an duinesin,

73 Agus tamall na dhiaigh sin tangadar an dream do bhí na seasamh a láthair, agus a dubhradar ré Peadar, Go firinneach is díobh súd féin thusa: óir a tá do chainnt féin dod bhrath.

74 Ann sin do thionnsgain sé bheith ag mallughadh, agus ag mionnughadh, Ní haithne dhamh an duine: agus ar an mball do ghláoidh an coileach.

75 Agus ann sin do chuimhnigh Peadar ar bhriathruibh Iósa a dubhairt ris, Sul ghoirfeas an coileach, séanfuidh tú mé trí húaire. Agus ar ndul a mach dhó do ghuil sé go gér.

CAIB. XXVII.

Eachdardha a ttáobh pháis, 50 *Bháis,* 66 *& Adhlaicthe Chriosd.*

AGus ar tteachd na maidne, do chúadar na hárdshagairt, & sinnsir an phobuil uile a ccomhairle a naghuidh Iósa, ionnas go ccuirfidis chum báis é.

2 Agus ar na cheangal dóibh tugadar léo é, agus thugadar do Phóinnsius Piláit an túachdarán é.

3 Ann sin mar do chonnairc Iúdas do bhraith é, gur damnuigheadh é, do ghabh aithreachas e, & do aisig sé na deich bpiósa fhichead airgid do na hárdshagartuibh, agus do na sinnsearuibh:

4 Ag rádh, Do pheacaigh mé ag brath na fola neimhchiontaigh: achd a dubhradarsan, Créd é sin dúinne? féuch féin [dó sin.]

5 Agus ar dteilgean na bpiosadh airgid úadh ann sa teampoll do dhealuigh sé ríu, agus ar nimtheachd, do thachd sé é féin.

6 Achd ar nglacadh an airgid do na hárdshagartuibh a dubhradar, Ní cóir a gcur ann sa chisde, oir is lúach fola iad.

7 Agus ar ndéanamh comhairle dhóibhsean, do cheannchadar léo fearann do bhí ag fear foighthigheadh críadh do dhéanamh, do chum eachdrann dadhlucadh ann.

8 Ar a nadhbharsoin goirthear don fhearunn ód, Fearann na fola, gus a niugh.

9 (Ann sin do coimhlíonadh an ní a dubhradh tré Ieremías faidh, ag rádh, Do ghabhadar chuca na deich nairgid fhichead, lúach an tí do measadh, do bhí ar na mheas ó chlannuibh Israel.

10 Agus tugadar íad ar fhearann fhir na foidhthigheadh gcríadh do dhéanamh, mar dórduigh an Tighearna dhamhsa.)

11 Agus do sheas Iósa a bhfiadhnuisi an úachdaráin, agus do fhíafruigh an túachdarán de, ag rádh, An tusa an rí úd na Niúdaighe? agus a dubhairt Iósa ris, A deir tusa [sin.]

12 Agus an tan do éligheadar na hárdshagairt agus ná sinnsir é, níor fhreagair sé én ní.

13 A deir Pioláit ris an tansin, An né nach ccluin tú créd a líonmhuireachda táid so do dhéanamh dfiadhnuisi ad aghaidh?

14 Agus ní thug sé freagra ar éanfhocal dó, ionnus gur ghabh iongantus mór an túachdarán.

15 Achd cheana do chleachdadh an túachdarán bráighe do leigean a mach lá an fhéusda chum an phobuil, an té budh áill léo.

16 Agus do bhí aca an tan soin bráighe roóirdheirc dar bhainm Barabbás.

17 Ar a nadhbharsoin ar na gcruinniughadhsan a dubhairt Pioláit ríu, Cia is toil libh do léigean chugaibh, Barabbás, nó Iósa, ré nabarthar Críosd.

18 Oir do bhí a fhios aige gur ab tré thnúth tugadar úatha é.

19 Agus ar suidhe dhósan ann a ccaithir bhreitheamhnuis, do chuir a bhean teachdaireachd chuige, ag rádh, Ná bíodh búain agad ris an bhfiréun úd: óir is mór do fhuiling misi a niugh a mbriongloid ar a shon.

20 Achd cheana tugadar úachdaráin na sagart agus na sinnsir fá deara don phobal Barabbás diárruigh, agus Iósa do chur chum báis.

21 Agus ar bhfreagra don úachdarán a dubhairt sé ríu, Cia don dias úd is mían libh do leigean chugaibh dhamh? achd a dubhradarsan, Barabbás.

22 A dubhairt Pioláid ríu, Ar an nadhbharsoin créd do dhéana me ré Hiósa, re nabarthar Críosd? a dubhradarsan uile ris, Crochthar é.

23 Agus a dubhairt an túachdarán, Créd é an tolc do rinne se? achd is móide do éighmheadarsan, ag rádh, Crochthar é.

24 Agus ar bhfaicsin do Phioláid nach raibh tarbha dhó an én ní achd gur mó

an bhuáirt tháinic dhe, ar ngabháil
uiſge chuige do ionnail ſé a lámha a
bhfiadhnuiſi an phobail, ag rádh, A
táimſi nemhchiontach ó fhuil an fhiréan-
uigh ſo, féuchuidhſi dhibh féin.
25 Agus ar bhfreagra don phobal
uile a dubhradar, Biodh a fhuil oruinne
agus air ar gcloinn.
26 Do léig ſé chuca an tan ſoin
Barabbás, agus ar ſgiúrſadh Jóſa tug
ſé chum a chrochda é.
27 Ann ſin rugadar ſaighdiúirí an
úachdaráin Jóſa léo don halla choitchionn,
agus do chruinnigheadar an chuideachda
ſhaighdiur uile na thimcheall.
28 Agus do nochdadar é, agus do
chuireadar brat córcra uime.
29 Agus do fhigheadar coroín ſpíne,
agus do chuireadar fá na cheann í,
agus ſlat giolcuigh an a láimh dheis,
agus do léigeadar ar a nglúinibh na
fhiadhnuiſi iad, agus do rinneadar
fónamhad faoi, ag rádh, Día do bhea-
tha, a Ri na Niudaigheadh.
30 Agus an tan do ghabhadar do
ſheilighibh air, do ghlacadar an tſlat ghiol-
cuigh, & do bhúaileadar an a cheann [é.]
31 Agus an tan do rinneadar fo-
námhad faoi, do bheanadar an róba dhe,
& do chuireadar a éuduighe féin uime,
& rugadar a mach é chum a chrochda.
32 Agus ar ndul a mach dhóibh,
fúaradar óglach ò Shiréne dar bhainm
Simón, agus do chuireadar dfiachuibh
air dul leis do chum a chroiche diomchar.
33 Agus an tan tangadar gus an
ionad dar ab ainm Golgótá (is ionnan
ſin ré *rádh, agus áit na cloigne,)
34 Tugadar bhíneigre agus domblas
tri na chéile ré nól dó, agus an tan
do bhlais ſé é níor bháill leis a ól.
35 Agus a ndiáigh a chrochda dhoibh,
do roinneadar a éaduighe ag cur cranch-
uir [orrtha] ionnas go gcoimhlionfuidhe
an ní a dubhradh ón fháidh: Do
roinneadar méaduighe dhóibh féin, agus
do chuireadar crannchar ar mo chuluidh.
36 Agus ar ſuidhe dhóibh, do
choimhéad ſiad é ann ſin.
37 Agus do chuireadar a choir bháis
ſgriobhtha ós a chionn: IS E SO JOSA
RI NA NIUDAIGHEADH.
38 Do crochadh días gaduidhe maille
ris an tan ſoin, fear ar a dheis, agus
fear ar a láimh chli.
39 Agus an mhuintir do ghabhadh
thairis do imdheargaidís é ag cro-
thadh a gceann.
40 Agus ag rádh, Thuſa leagus an
teampoll agus chuirios ſúas a dtrí lá
é, fóir ort féin: mas tú mac Dé tárr
a núas as an gcroich.
41 Agus mar an gcéadna a dubhra-
dar úachdaráin na ſagart maille ris
na Sgríobuidhibh, agus ris na ſinn-
ſearuibh ag fonámhad faoi,
42 Do fhóir ſé ar dháoinibh eile, &
ní héidir leis é féin dfhóirighin: más é
Rí Iſraél é, tigeadh ſé a núas a nois as
an gcroich & creidfiomáoidne dhó.
43 Do bhí a dhóchus a Ndia, ſao-
radh ſé é a nois mas áill leis é, óir a
dubhairt ſé, Is miſi mac Dé.
44 Agus tugadar na gaduighthe
do chrochadh maráon ris, an ſcannail
chéadna dhó.
45 Agus do bhí dorchadas ar an
dtalamh uile ón ſeiſeadh húair go
ſoithe an náomhadh húair.
46 Agus timcheall an náomhadh húair
do éigh Jóſa do ghuth ard, ag rádh, Eli,
Eli, lamá Sabactáni: ſé ſin re rádh, Mo
Dhía, mo Dhia, créd far thréig tú mé.
47 Agus ar na chloiſdin ſin a dubhra-
dar cuid dá raibh na ſeaſamh a láthair
ann ſin, Atá an fearſo ag gairm Elias.
48 Agus do rith fear dhiobh ar an
mball agus ar nglacadh ſpuinc, agus
ar na líonadh do bhinéigre, agus ar
na chur a dtímcheall ſhlaite ghiolcaigh,
tug ſé deoch dhó ré nól.
49 Achd a dubhradar an chuid eile,
Léig dhó, faiceam an dtiocfa Elias dá
ſháoradh.
50 Agus ar néigheamh a rís Díoſa do
ghuth mhór, do chúaidh a ſpiorad as.
51 Agus féuch do réub brat roinnte
an teampoill na dhá chuid ó úachdar
go híochdar, & do chriothnuigh an ta-
lamh & do ſgoilteadar na cairgeach.
52 Agus doſgladar na tuámaidhe, &
déirgheadar morán do chorpuibh na
ndáoine náomhtha do bhí na gcodladh.
53 Agus ar ndul a mach as na tuám-
uidhibh dhóibh a ndiaigh a eiſéirgheſean,
do chúadar a ſdeach don chathair
náomhtha, agus do fhoillſigheadar iad
féin do mhórán.
54 Achd ar bhfaicſin an chreatha tal-
mhon & na neitheadh do éirigh ann, don
Chaptín & dá raibh na fhochair ag
coimhéad Jóſa, do ghabh eagla mhór iad,
ga rádh, Go firinneach dob é ſo mac Dé.
55 Agus do bhádar ann ſin mórán
ban, ag féachain air, a bhfad úadh, noch
do lean Jóſa ón Ghalilé, ag déanamh
ſeirbhiſe dhó.
56 Eidir a raibh Muire Mágdalén,
agus Muire mathair Jácob, agus Joſé,
agus máthair chloinne Sebedei.
57 Achd an tan do bhí deireadh an
láoi ann, táinic duine ſaidhbhir ó Ari-
matéa dár bainm Jóſeph, do bhí fós
na dheiſciobal ag Jóſa.
58 Agus do chúaidh ſé dionſuighe
Phioláid, agus díarr ſé corp Jóſa. Ann
ſin a dubhairt Pioláid, an corp do
thabhairt dó.
59 Agus an tan *fúair Jóſeph an
corp, do fhill ſé línéudach glan na
thimcheall:
60 Agus do chuir ſé an a thuáma
núa féin é, noch do thochuil ſé a
gcarruig, agus ar niompodh leice
móire dhó air dhoruis an túama, do
imhthigh ſé roimhe.

61 Agus

61 Agus do bhi Muire Magdalén, agus
an Mhuire eile ann sin na suidhe as
comhair an túama.
62 Agus an lá a ndiaigh a noll-
mhuighthe, do chruinnigheadar úachd-
aráin na sagart, agus na Phairisinigh
go Pioláid,
63 Ag rádh, A thighearna, is cumhain
linn an tan do bhí an mealltóir úd
béo, go ndubhairt sé, Eireóchuidh mé
tair éis thrí lá:
64 Ar a nadhbharsoin aithin coimhéad
do chur ar a ttúama go ceann an treas
lá: ar eagla go dtiucfaidis a dheiscio-
bail annsa noidhche, agus go ngoidfidis
é, agus go naibéoradis ris an bpo-
bal, Do éirigh sé ó mharbhuibh: agus
biaidh an seachrán dheigheanach ni is
measa ná an céudsheachrán.
65 A dubhairt Pioláit ríu, Atá faire
agaibhsi: imthighidh, daingnighidh
mar is éol dáoibh [féin é.]
66 Agus ar nimtheachd dóibhsean do
dhaingniodar an túama ar gcur chomhar-
tha ar an gcloich, maille ré faire.

C A I B. XXVIII.

Eiseirghe Chriosd, 19 le órdughadh an Bhaisde, & na Nabsdal.

AGus a ndeireadh na sabbaide, an
tan do shoillsigh an céud [lá] don
tseachdmhuin, táinic Muire Mhagdalén,
& an Mhuire eile, dféachain an túama.
2 Agus féuch, do bhí crith mór
talmhan ann: Oir ag tuirling daingeal
an Tighearna a núas ó neamh, táinic
sé, agus diomlait sé an chloch ón dorus
agus do shuigh sé uirrthe.
3 Agus do bhí a ghnúis mar theinn-
teach, & a éadach geal mar shneachda.
4 Agus do chriothnuigheadar an luchd
coimhéada ar a eaglasan, agus do
bhádar a riochd mhairbh.
5 Achd ar bhfreagra do naingeal
a dubhairt sé ris na mnáibh, Ná bíodh
eagla oruibhsi: óir atá a fhios agam
gur ab é Jósa do crochadh a táthaoi
diarruigh.
6 Ní bhfuil sé ann so: óir do éirigh
sé mar a dubhairt sé, tigidh, féachaidh
a náit an a raibh an Tighearna na luighe.
7 Agus ar nimtheachd dáoibh go lúath,
innsidh dá dheisciobluibh, gur éirigh sé
ó mharbhuibh, & féuch atá sé ag dul
romhuibh don Ghalilé: do chífidhe ann
sin e: Féuch, a dubhairt misi ribh [é.]
8 Agus ar nimtheachd ón túama go
deithneasach dhóibh maille ré heagla, &
ré gáirdeachus mór, do riothadar dá
fhoillsiughadh sin dá dheisciobluibhsion.
9 Agus an tan do imthigheadar do
chum go bhfoillséochaidis sin dá dheis-
ciobluibhsion: féuch, tárla Jósa orrtha,
ag rádh, Go mbeannuighe Día dhaoibh.
Achd tangadarsan, & rugadar ar a cho-
saibhsion agus do onóruigheadar é.
10 A deir Jósa an tansoin ríu, Ná
bíodh eagla oruibh, imthighidh, beiridh
sgéula chum mo dhearbhraithreach do
chum go rachaidis don Ghalilé: agus
do chífid misi ann sin.
11 Agus ar nimtheachd dóibhsean:
féuch, tangadar cuid don luchd faire don
chathair, & do innisidear dúachdarán-
uibh na sagart gach uile ní dá ndear-
nadh ann.
12 Agus do chruinnigheadar a gceann
a chéile maille ris na finnsioruibh, agus
ar ndéanamh comhairle dhóibh, tugadar
mórán airgid do na saighdiúiribh,
13 Ag rádh, Abruidh, Tangadar
a dheisciobuil annsa noidhche, agus
do ghoideadar é, an feadh do bhá-
muirne ar gcodladh.
14 Agus má chluin an túachdarán an
ní so, do bhéarmuimne fa deara dhó,
nach bía gúasachd ar bith oruibhsi.
15 Agus ar ngabháil an airgid dóibh-
sion, do rinneadar mar do múineadh
dhóibh, agus aithrisdior an glórsa a
measg na Niuduigheadh go soithe an
lá a niugh.
16 Achd do imthigheadar an táoin-
deisciobail dég don Ghalilé chum a
tsléibhe mar ar órduigh Jósa dhóibh.
17 Agus an tan do chonncadar é,
do onóruigheadar é: achd do bhí
amharus ag cuid díobh air.
18 Agus ar dteachd Díosa do labhair
sé ríu, ag rádh; Thugadh dhamsa gach
uile chumhachda ar neamh, & ar talamh.
19 Ar a nadhbharsoin imthighidhsi,
teaguisgidh na huile chineadhacha, dá
mbaisdeadh a nainm a nathar, agus
an mhic, agus an Spiorad náoimh.
20 Agus teaguisgidh iad gach uile ní
dár aithin misi dhíbh do choimhéud: &
féuch, a táimsi bhur bhfochair gach éanlá
go deireadh an tsaoghail. Amen.

AN SOISGEUL DO REIR MHARCUIS.

C A I B. I.

Beatha chrúaidh, & seanmóir Eóin um leasughadh beatha, 14 le Soisgeil aoibhinn Chriosd a ttaobh shaoradh na nanmann.

TOsach shoisgeil Jósa Chríosd
mhic Dé:
2 Mar atá sgríobhtha annsna
fáidhibh, Féuch, cuirim mo
theachdaire romhad, noch uill-
mheochas do shlighe romhad.
3 Guth an tí éimhgheas ar an bhfá-
sach, Ollmhuighidh slighe an Tighearna,
déanuidh a chasáin díreach.
4 Do bhí Eoin ag baisdeadh ar an
bhfásach, & ag seanmóir bhaisdigh na
haithrighe do chum maithmheachuis na
bpeacadh.
5 Agus do chuaidh tír Júdaighe uile, &
luchd Járusaléim a mhac chuige: & do
baisdeadh leis iad uile a sruth Jordáin,
ag admháil a bpeacadh. 6 Agus

6 Agus do bhí Eóin ar na éadughadh
do ruainneach cámhall, agus crios lea-
thair timcheall a leasruigh, agus a sé
biadh do itheadh sé, lócuisdighe, agus
mil choillteamhail.
7 Agus do rinne sé seanmóir, ag
rádh, Tig am dhiáighsi neach is neart-
mhuire na misi, ag nách fiu mé cro-
madh, & iallach a bhróg do sgáoileadh.
8 Go deimhin do bhaisd misi sibh
lé huisge, achd cheana baisdfidh seision
sibh leis an spiorad náomh.
9 Agus tárla ann sna laéthibh sin
go ttainic Jósa ó Nasarét na Gali-
lé, agus gur baisdeadh é a Iórdán lé
Héoin.
10 Agus ar ndul suas dó ar an
mball as a nuisge, do chonnairc [Eóin]
neamh ar ná sgolthadh ó cheile, agus
an Spiorad ag tuirrling air sion a
riochd choluim.
11 Agus tainic guth ó neamh, Is
tusa mo mhac grádhachsa, an a bhfuil
mo mhór-thoil.
12 Agus ar an mball do tharruing
an spiorad é ar an bhfásach.
13 Agus do bhí sé ann sin ar an
bhfásach dhá fhichead lá, ág fulang cha-
thuighthe ó Shátan: & do bhí sé a
bhfochair na mbeitheach allta: & do
bhí na haingil ag mionasdrálachd dó.
14 Agus tar éis Eóin do chur a
bpriosún, táinic Iósa don Ghalilé, ag
seanmoir soisgéil ríoghachda Dé:
15 Agus ag rádh, Do coimhlíonadh
a náimsir, agus do dhruid ríoghachd
Dé rinne: déanuigh aithríghe, agus
creidigh don tsoisgéul.
16 Agus ar siubhal dó láimh ré
fairge na Galilé, do chonnairc sé Sío-
món, agus Aindrias a dhearbhráthair
ag teilgean lín ann sa bhfairge, (óir
do budh íasguireadha iad.)
17 Agus a dubhairt Iósa riu, Lea-
naidh misi, agus do dhéana mé íasgui-
readha ar dhaoinibh dhibh.
18 Agus ar bhfagbháil a líontadh ar
an mball dóibhsion, do leanadar é.
19 Agus ar nimtheachd dó beagan as
sin, do chonnairc sé Séumas mhac Se-
bede, & Eóin a dhearbhráthair, agus
iad a luing ag córughadh a líontadh:
20 Agus do ghoir sé iad ar an
mball: agus ar bhfagbháil Sebedé a
nathar dhóibhsion ann sa luing maille ris
an luchd tuarasdail, do leanadar é.
21 Agus tiaghuid a sdeach go Ca-
pernáum. Agus ar an mball sa tsabbóid
do chúaidh Iósa don tsionagóig, águs
do theaguisg sé [ann.]
22 Agus do ghabh iongnadh iadsan
sa na theagasg: óir do theaguisg sé
iad mar neach agá raibh cumhachda,
águs ní mar na sgríobuighe.
23 Agus do bhí an a sionagóigsion
neach an a raibh spiorad neamhghlan,
agus do éigh sé,
24 Ag rádh, O, créd í an bhuain atá
aguinne riotsa, a Iósa Nasardha? an
dtáinic tú dár sgriosne? a tá a fhios
agamsa cia thù, Neach náomhtha Dé.
25 Agus do bhagair Iósa air, ag rádh,
Bí ad thochd, agus tárr a mach as.
26 Agus do reub an spiorad neamh-
ghlan é, agus ag éimhghe do ghuth
árd, táinic sé a mach as.
27 Agus do ghabh úathbhás cách uile,
ionnus gur fhiafruigheadar eatorra féin,
ag rádh, Créd é so? créd é an teagusg
núa so, go gcuireann sé smachd maille
ré cumhachduibh ar na spioraduibh
neamhghlana, & go númhluighid dho!
28 Agus do chuaidh a chlúsan ar an
mball ar feadh na tíre uile a dtim-
cheall na Galilé.
29 Agus mar is lúaithe do chuádar
as an tsionagóig, tangadar go tigh
Shiomóin, agus Aindriáis, ma ráon ré
Séumas agus ré Héoin.
30 Agus do bhí mathair mhná Shió-
móin na luighe a bhfiabhrus, & do labh-
radarsan do láthair risean na timcheall.
31 Agus táinic seision na cionn, agus
do thóg sé í, ag breith ar láimh
uirrthe: agus do dhealuigh an fiabhrus
ría ar an mball, agus do rinne si frio-
thólamh dhóibh.
32 Agus an tan do bhí deireadh an
láoi ann, ar ndul don ghréin faoi, tuga-
dar chuige gach áon dá raibh easlan,
agus an a rabhadar deamhain.
33 Agus do bhí an chathair uile ar
gcruinniughadh chum an doruis.
34 Agus do fhlánuigh sé mórán ar
a rabhadar easláinteadha ilghné-
theacha: & do theilg sé amach mó-
rán deamhan, & níor fhulaing sé do na
deamhnuibh a rádh, go raibh éolus aca air.
35 Agus air maidin go romhoch ar
néirghe dhò a ndeireadh na hoidhche, do
chuaidh sé amach, agus do imthigh sé
go háit fhásamhuil, agus do rinne sé
urnuighthe ann sin.
36 Agus do lean Siómón é, agus an
dream dó bhí na fhochuir.
37 Agus an tan fúaradar é, a du-
bhradar ris, Atá gach áonduine dod
íarruigh.
38 Agus a deir seision ríu, Déanam
do na bailtibh beaga so láimh rinn, do
chum go ndéanuinn seanmóir an sin
leis: óir is chuige so tháinic mé a mach.
39 Agus do rinne sé seanmóir an a
sionagógaibh ar feadh na Galilé uile,
agus do theilg sé na deamhain a mach:
40 Agus tig lobhar chuige, dá
léigean ar a ghlúinibh dhó, & dá rádh
ris, Más toil leachd, is éidir leachd
misi do ghlanadh.
41 Agus ar ngabháil truaighe móire
Díosa dhó, agus ar síneadh a láimhe,
do bhean sé ris, agus a dubhairt sé
ris, Is toil: bí glan.
42 Agus ar labhairt dósan do imthigh
an lubhra úadh ar ball, agus do bhí
sé ar na ghlanadh.

43 Agus

43 Agus tar éis bagar air, do chuir
sé uadh é do lathair:
44 Agus a dubhairt sé ris, Tabhair dod
aire nach innéosa tú déinneach é: im-
thigh, taisben thú féin don tsagart, agus
iodhbair ar son do ghlanta, na neithe do
aithin Máoise, mar fhíadhnuisi dhóibh.
45 Agus ar nimtheachd dósan a mach
do thionnsgain sé mórán dfhoillsiughadh,
agus an ni do chur ós aird, ionnas nach
raibh neart ag Jósa dul a sdeach sa gcath-
raigh ós aird: achd bheith a muigh a
nionadaibh fásamhla: agus tangadar
chuige as gach uile aird.

C A I B. II.

Josa ag suighe chum bidh le peacachaibh, 18
do ghabh sé leithsgeul a dheisciobal.

AGus a gcionn beagáin aimsire na
dhíaigh sin, do chuaidh sé a rís go
Capernáum, agus do clos eisean do
bheith a dtigh.
2 Agus ar an mball do chruinnighea-
dar moran a gceann a chéile, ionnas nar
thoilleadar ann sna hionadaibh a dtim-
cheall an doruis: agus do rinne sé an
bhriathar do fheanmóir dhóibh.
3 Agus tangadar chuige dream ag
iomchar fhir pairilisi, agá raibh ceathrar
dá iomchar.
4 Agus do bhrigh nár béidir léo teachd
a ngar dhó ón tslúagh, do nochdadar
mullach an tighe an a raibh sé: agus ar
na pholladh dhóibh do léigeadar sios lé
téuduibh an leabuidh ann a raibh fear
na pairilisi na luighe:
5 Agus an tan do chonnairc Jósa a
gcreideamh, á dubhairt sé ré fear na pai-
rilisi, A mhic, a táid do pheacaidh ar na
maitheamh dhuit.
6 Achd do bhádar drong áirighe do
na Sgríobuidhibh na suidhe ann sin, &
iad ag smuaintiughadh an a gcroidhthibh
féin,
7 Créd fá labhrann an fear so blais-
pheimighe mar so? cía fhéudus peacuigh
do mhaitheamh achd Día na áonar?
8 Agus ar an mball ar na aithne
Díosa an a spioraid féin, go rabhadar-
san ag smuáintiughadh mar sin ionnta
féin, a dubhairt sé rìu, Créd fá
smuáintisi na neithesi an bhur gcroidh-
thibh?
9 Cia is usa a rádh ré fear na Pairilisi,
A táid do pheacuigh ar na maitheamh
dhuit: na a rádh, Eirigh agus tóguibh
do leaba, agus siobhail?
10 Achd ionnus go mbeith a fhios a-
gaibh go bhfuil cumhachda ag mac an
duine peacuigh do mhaitheamh ar an
dtalamh, (a deir sé ré fear na pairilisi)
11 A deirimsi riot, Eirigh, & tóg-
uibh do leabuidh, & imthigh dod thigh.
12 Agus do éirigh seisean ar an mball,
& ar dtógbháil a leabtha, do chuaidh sé
a mach na bhfiadhnuisi uile: ionnas gur
ghabh úathbhás íad uile, agus go dtuga-
dar glóir do Dhia, ag rádh, Ní facamair-
ne a leitheid so a ríamh.
13 Agus do chúaidh sé a mach a rís
chum na fairge: agus táinic an slúagh
uile chuige, agus do theaguisg sé iad.
14 Agus ag gabháil thairis dó, do
chonnairc sé Lébhi [mhac] Alphéi na
shuidhe ag bórd an chusduim: agus a
dubhairt sé ris, Lean misi.
15 Agus ar néirghe dhósan, do lean sé
é, agus tárla an tan do shuidh Jósa chum
bidh an a thigh súd, gur shuigheadar mó-
rán puibliocán, & peacach fós ma ráon
ré Hiósa, & ré na dheisciobluibh: óir
do bhádar móran do lean é.
16 Agus an tan do chonncadar na Sgrio-
buidhe, & na Phairisinigh eision ag
caitheamh bídh a bhfochair na bpublio-
cán & na bpeacach, a dubhradar ré na
dheisciobluibh, Créd fá nitheann, & fá
nibheann bhur maighisdir a bhfochair na
bpubliocán & na bpeacach?
17 Agus an tan do chualuidh Jósa [so]
a dubhairt sé ríu, Ni bhfuil ríachdanus
ag na dáoinibh slána ré líaigh, achd ag
na dáoinibh easlán. Ní tháinic misi do
ghairm na bhfiréunach, achd na bpea-
cach chum aithrighe.
18 Agus do throisgeadar deisciobail
Eóin, agus na Bhpairisineach: agus ti-
gid agus a deirid risean, Créd fá dtrois-
gid deisciobail Eóin agus na Bhpairisi-
neach, agus nach déunuid do dheiscio-
bailsi trosgadh?
19 A dubhairt Jósa ríu an tan sin, A
néidir lé cloinn tséomra an fhir núa-
phósda, an fad bhías an fear núaphósda
na bhfochair, trosgadh do dhéanamh?
an fad a tá an fear núaphósda aca na
bhfochair ní héidir leo trosgadh do
dhéanamh.
20 Achd tiocfuid na laéthe an á mbéur-
thar úatha an fear núaphósda, agus ann
sin do dhéanuid trosgadh ann sna laé-
thibh sin.
21 Agus ní fhúaigheann neach ar bith
preabán déudach núa lé seinéudach: nó
beanuidh an preabán núa úd cuid don
tseinéudach, & is móide an briseadh.
22 Agus ní chuireann neach ar bith
fíon núa a seanbhuidéuluibh: nó brisidh
an fíon núa na buidéil, agus dóirtear an
fíon, agus téid na buidéil a mugha:
achd is a mbuidéuluibh núadha is cóir
fíon núa do chur.
23 Agus tárla ag gabháil tré ghor-
tuibh dhó isin tsabbaóid, gur thionnsgna-
dar a dheisciobail ag siobhal na sligh-
eadh déusa do bhúain.
24 Agus a dubhradar na Phairisinigh
ris, Féuch, créd fá ndéanuid siad sa tsab-
bóid an ní nach ceaduighthеach?
25 Agus a dubhairt seisean ríu, An né
nar léighabhair a ríamh créd do rinne
Dáibhi, an tan do bhí ríachdanus air, &
do bhí ocrus air féin, & ar an muinn-
tir do bhi maille ris?
26 Cionnas do chúaidh sé a sdeach a
dtigh Dé an tan do bhí Abiáthar na
árdshagart, agus do ith sé arán na
fiadhnuisi, nach ar cheaduighthеach dithe

achd

achd do na sagartuibh : agus fós tug sé
é don dréim do bhí maille ris ?
27 Agus mar an gcéadna a dubhairt
sé ríu, Is ar son an duine do hórdui-
gheadh an tsabbóid, agus ní ar son na
sabbóide an duine.
28 Ar an nadhbharsoin is Tighearna
mac an duine ar a tsáobaid féin.

C A I B. III.

Do Leighis Josa gach tinneas, 13 *& thogh an da dhisciobal dég.*

AGus dó chúaidh Jósa a sdeach a rís
don tsionagóig : agus do bhí neach
ann sin agá raibh a lámh ar na
seargadh :
2 Agus do bhádar agá bhrath, an
fláineochadh sé é san tsabbóid, ionnus
go gcuirfidís cúis air.
3 Agus a deir sé ris an duine agá
raibh an lámh shearg thaigh, Eirigh ad
shealamh a meadhón [cháich.]
4 Agus a dubhairt sé riusan, An
ceaduighthеach maith ná olc do dhéa-
namh san tsabbóid? anam do shlánughadh,
nó do mharbhadh ? achd do éisdeadarsan.
5 Agus ar bhféachain go feargach
orrthasan na thimcheall, ar ngabhail doil-
ghis chuige ar son chrúais a gcroidheadh-
san, a dúbhairt sé ris an duine, Sin a
mach do lámh, & do shín : & do hai-
seagadh a lámh slán mar an láimh eile.
6 Agus ar ndul a mach do na Phai-
risíneachuibh do rinneadar comhairle ar
an mball re muintir Joruaith na aghaidh-
sion, cionnas do mhillshidís é.
7 Achd do chúaidh Jósa maille ré na
dheisciobluibh do leath táoibh chum na
fairge; & do lean slúagh mór ón
Ghalilé, agus ó thír Júdaighe é,
8 Agus ó Jerusaléim, agus ó Idu-
méa, agus ón táobh thall do Jórdán,
agus an dream do [aitreabh] timcheall
Tirus agus Sidon, an tan do chúaladar
méud na neitheadh do rinne, tangadar
chuige buidhean mhór.
9 Agus a dubhairt seisean ré na
dheisciobluibh, long bheag do bheith do
ghnáth ag feitheamh air ón tslúagh,
ionnus nach brúidhfidís é.
10 Oír do shlánuigh sé mórán, ion-
nus gur lingeadar air an mhéid ar a
rabhadar easláinteadha do chum go
gcuiméolaidís ris.
11 Agus an tan do chidís na spio-
raidighe neamhghlana é, do shléachdai-
dís dó, agus do éighmhidís, ag rádh,
Is tusa mac Dé.
12 Achd do bhagair séisean go mór
orrtha, do chum nach bhfoillséochai-
dís é.
13 Agus do chúaidh sé súas an
tansoin ar shliabh, agus do ghoir sé
chuige an dream do budh toil leis :
agus tangadar chuige.
14 Agus do órduigh sé dhá fhear
dhéug do bheith na fhochair, do chum go
gcuirfeadh sé do dhéunamh seanmóra iad.
15 Agus go mbíadh aca cumhachda
easláinteadh do leigheas, agus deamhain
do theilgean amach.
16 Agus air Shiómón tug sé Peadar
mar ainm.
17 Agus Séumas mac Sebede, agus
Eóin dearbhrathair Shéumuis, (agus
tug sé Boanérges danmanuibh orrtha,
is ionann sin ré rádh, agus Clann na
tóirrnighe.)
18 Agus Aindriás, agus Philip, agus
Bartoloméus, agus Matha, agus Tomás,
agus Séumas mac Alphéi, agus Tadéus,
agus Siómón an Canánach.
19 Agus Júdas Iscáriot, an tí do
bhraith é, agus tangadar don tigh.
20 Agus do chruinnigheadar an
slúagh a rís, ionnus nar bhéidir léo sin
an bhídh do chaitheamh.
21 Agus an tan do chúaladar a
cháirde so, tangadar a mach do bhreith
air : óir a dubhradar go raibh sé ar
mícheíll.
22 Agus a dubhradar na Sgrío-
buidhe tháinic a núas ó Jarusaléim, go
raibh Beelsébub ann, agus gur ab tré
phrionnsa na ndeamhan do chuireadh
sé na deamhain ámach.
23 Agus do ghoir sé chuige iad,
agus a dubhairt sé a gcosamhlachduibh
ríu, Cionnas is éidir lé Sátan, Sátan do
theilgean a mach?
24 Agus ma bhíonn ríoghachd roinnte
na haghaidh féin, ní héidir leis a
ríoghachd sin seasamh :
25 Agus ma bhíonn tigh roinnte na
aghaidh féin, ní héidir leis a tigh sin
seasamh :
26 Agus is amhluigh sin, má éir-
gheann Sátan na aghaidh féin, agus go
mbía sé roinnte, ni héidir leis sea-
samh, achd atá deireadh aige.
27 Ní héidir le neach ar bith dul a
sdeach go tigh duine láidir, agus a
airnéis tighe dhsúadach leis, muna
ccuibhrighe sé ar tús an duine láidir úd :
& agus ann sin sladfuidh sé a thigh.
28 A deirim ribh go firinneach, Go
maithfithear na huile pheacadh do
chlannuibh na ndáoine, agus gach
blaisphéime dá laibhéoruid :
29 Achd gidh bé déaras blaisphéime
a naghaidh an spioraid náoimh, ní
fhághann sé maithseachus choidhche,
achd atá sé cionntach ón bhreitheamhnus
shiorruighe.
30 Oír a dubhradar, Is spiorad
neamhghlan atá aige.
31 Uime sin tangadar a dhear-
bhráithre agus a mhathair : agus ar
seasamh a muigh dhóibh, do chuireadar
fios chuigesion, dá ghairm.
32 Agus do shuidh an slúagh na
thimcheall agus a dubhradar ris, Féuch,
atá do mhathair agus do dhearbhráithre
a muich ad iárruidh.
33 Agus ar bhfreagra dhóibh a
dubhairt sé : Cia hí mo mhathair nó
mo dhearbhraithre ?

34 Agus ar bhféachain ar an muintir
do bhí na ſuidhe na thimcheall, a deir ſé,
Féuch mo mhatháirſi, agus mo dhearbh-
bhraithre.
35 Oir gidh bé neach do dhéana
toil Dé, is é ſo mo dhearbhráthair,
agus mo dheirbhſhiúr, agus mo mhathair.

CAIB. IV.

*Coſmhalacht, ar an tſíoladóir, 26 & fhás
an tſíl óś ſíol, gan fhios cionnas.*

AGus do thionnſgain ſé teagaſg do
dhéanamh láimh ris an bhfairge:
agus do chruinnigh ſlúagh mór chuige,
ionnas go ndeachuidh ſé a ſdeach a
luing, agus gur ſhuidh ſé ar an
bhſhairge: agus do bhí an ſlúagh uile
ar tír a naice na fairge.
2 Agus do theaguiſg ſé mórán dóibh
a gcoſamhlachduibh, agus a dubhairt
ſé riu an a theagaſg:
3 Eiſdigh, tabhruigh dá bhur naire: do
chúaidh an ſioladóir amach do chur ſhíl:
4 Agus tárla ag cur an tſíl dô,
gur thuit cuid de chois an ſligheadh:
agus tangadar éanlaith an aiéir, agus
dithheadar é.
5 Agus do thuit cuid eile dhe a
nit clochaidh, mar nach raibh doimhne
thalmhan aige:
6 Agus ar néirghe don ghréin do
dóigheadh é le teasbhach, agus do
bhrígh nach raibh fréumh aige, do
ſhearg ſé.
7 Agus do thuit cuid eile dhe eidir
mhuineach: agus déirghead ar an mui-
neach ſúas, agus do thachdadar é, agus
ní thug ſé toradh úadh.
8 Agus do thuit cuid eile dhe a
dtalamh mhaith: agus tug ſé toradh
úadh déirigh ſúas agus dfás, agus tug
cuid dhe a deich fichead, agus cuid
trí fichid, agus cuid eile céud:
9 Agus a dubhairt ſê riu, Gidh bé
agá bhfuilid clúaſa chum éiſdeachda, éiſ-
deadh ſé.
10 Agus an tan do bhí ſé na áonar,
do fhiafruigheadar an mhuinntir do bhí
na fhochair maille ris an dá fhear
dhéug, an chosamhlachd dhe.
11 Agus a dubhairt ſé riu, Is dáoibhſi
a tugadh éolus ar ſheicréid ríoghachda
Dé: achd ris an dréim atá leith a muigh
deirthear gach éinní a ccoſamhlachduibh.
12 Ionnas ag féachain dóibh go
bhfaicfidís, agus nach tiubhraidís dá
naire; Agus ag cloiſdin doibh go gcluin-
fidís, agus nach dtuicfidís: deagla go
bhfillfidís uáir ar bith, agus go maith-
fighe a bpheacuigh dhóibh.
13 A rís a dubhairt ſé ríu, An bhfuil
ainbhfios na coſamhlachda ſo oruibh?
Agus [ma a tá,] cionnas thuigfidhe a
uile choſamhlachd?
14 An ſioladóir úd, is í an bhría-
thar ſhíolchuireas ſé.
15 Agus is íad ſo an drong a tá
láimh ris a tſlighe, ann a gcuirthear an
bhríathar, agus tar éis a cloiſdean, tig
Sátan ar an mball, & tógbhuidh ſé úatha
an bhríathar do ſíoladh an a gcroidhthibh.
16 Agus mar an gcéudna is iad ſo
an dream an ar cuireadh an ſiol a
bhfearann chlochach, nocha éiſdeas an
bhriathar, agus ghabhus chuca i do
láthair maille ré gáirdeachus.
17 Agus ní bhfuil fréumh aca ionnta
féin, achd fanuid ar feadh tamuill: &
na dhiáigh ſin an tan éirgheas trio-
blóid, & buáidhirt tríd an mbréithir, ar
an mball do gheibhid ſiad oilbhéim.
18 Agus is íad ſo an dream ghabhus
an ſiol chuca an ſa muineach, nocha
éiſdeas ris an mbreithir,
19 Achd téid rochúram an tſáoghail
ſo, agus mealltóireachd an tſaidhbhris,
agus míanghus na neitheadh eile a
ſteach, agus tachduid an bhríathar, agus
bhí ſi neamhthoruigheach.
20 Agus is íad ſo an dream an ar
cuireadh an ſiol ann ſa talamh maith,
nocha éiſdeas agus ghabhus chuca an
bhríathar, agus do bheir toradh úatha,
áon a deich fichead, áon trí fichid,
agus áon eile céud.
21 Agus a dubhairt ſé ríu, An dtig
an choinneall dá cur fáoi bhéul ſoighthigh
nó faoi leabuigh? an né nach do chum
go gcuirſidhe a gcoinnléoir í?
22 Oír ní bhfuil ní ar bith foluigh-
theach nach bhfoillſeochar, na ſeicréi-
deach nach dtiocfa chum ſoluis.
23 Gidh bé neach agá bhfuilid clúaſa
chum éiſdeachda, éiſdeadh ſé.
24 Agus a dubhairt ſé ríu, Tabhruidh
dá bhur naire créd é an ní ad chluin-
tí: gidh bé mioſúr an a dtoimheóſ-
dàoi, toimheóſdar chuguibh é, & do bhéur-
thar tuilleadh dháoibhſi atá ag éiſdeachd.
25 Oír gidh bé neach agá bhfuil ní,
do bhéurthar dhó: agus gidh bé neach
a tá gan ní aige, toigéubhthar úadh an
ní a tá aige.
26 Tuilleadh eile a dubhairt ſé ríu,
Is amhluigh a tá ríoghachd Dé, mar
do chuirfeadh neach ſíol a bhfearann.
27 Agus do choidéoladh ſé, agus
do éireóchadh ſé ſa noidhche, agus ann
ſa lá: agus do fhásfadh an ſíol, agus
do airdéochadh ſè, ar cruth nach raibh
a fhios aigeſion.
28 Oír is dá dheóin féin do bheir an
talamh toradh, ar tús an geamhar, agus
na dhíaigh ſin déus, agus na dhíaigh ſin
arbhar iomlán ſa déis:
29 Agus an tan thaisbéunas an to-
radh é féin, ar an mball cuiridh ſé
corrán ann, do bhrígh go bhfuil an
fóghmhar do láthair.
30 Agus a dubhairt ſé, Crèd é an
ní ré a ndéanam ríoghachd Dé do
ſhamhlughadh? nò créd í an bharamhail
ré ſamhuilſimís é?
31 Is coſmhail [é] re gráinne muſ-
daird: noch an tan churthar ann ſa
talamh, is é is lugha don uile ſhíol dá
bhfuil ar talamh:

32 Achd tar éis a chora, fásaidh sé
súas, agus is mó é ná éunluibh do na
luibheannuibh: agus fásaid géuga móra
air, ionnus go bhféadfaidís éunlaith an
aiéir nid do dhéanamh ar á sgáth.
33 Agus do labhair sé an bhríathar
ríu a mórán dá leithéidibh sin do
chosmhalachdaibh, do réir mar do béidir
léo a chloisdin.
34 Agus níor labhair sé ríu achd a
gcosmhalachdaibh: achd cheana do
mhínidh sé gach uile ní dá dheisciob-
luibh féin ar leith.
35 Agus a dubhairt sé an lá sin ríu
air mbeith deighionach dhó: Déunum
don táobh a nunn.
36 Agus ar bhfágbháil an choimhthion-
óil, rugadar eisean mar do bhí sé ann
sa luing: agus do bhádar fós longa
beaga eile na fhochair.
37 Agus do éirigh sdoirm mhór
gháoithe, ann: agus do lingeadar na
tonna ann sa luing, ionnas go raibh sí
a nois ar na líonadh.
38 Agus do bhí seisean ar an dtileadh
na chodladh ar chearchaill: agus dúi-
sighid siad é, agus a deirid ris, A
mhaighisdir, nach misde leachd go
bhfuilmid a dul a mugha?
39 Agus ar néirghe dhósan tug sé
achmhasan don gháoith, agus a dubhairt
sé ris an bhfairge, Coisg, bí balbh.
Ann sin do chíunaigh an gháoth, agus
do bhí súaimhneas mór ann.
40 Ann sin a dubhairt sé ríu, Créd
fá bhfuiltí coimheaglach as sin? créd
fá nach bhfuil creideamh aguibh?
41 Agus do ghabh eagla mhór íad-
san, & a dubhradar ré chéile, Cia hé
an fear so, agà ndéanann an gháoth
féin, & an fhairrge fós umhlachd dó?

CAIB. V.

Do chuadar 6666 deamhan annsa tréud mhuc.

AGus tangadar don táoibh éile don
fhairge, go tír na Ngadarénach.
2 Agus ar ndul a mach dhó as an
luing, ar an mball tárla duine an a
raibh spiorad neamhghlan air, ag
teachd as na túamuighibh.
3 Agá raibh a áit chomhnuighe ann
sna túamuighibh, & nár bhéidir lé neach
ar bith a cheangal lé slabhradhuibh féin:
4 Do bhrígh ar mbeith ceanguilte go
meinic dhó lé geimhlibh & lé slabh-
radhuibh, go mbriseadh sé na slabh-
ruidhe, agus go mionbhruigheadh sé na
geimhleacha: agus níor bhéidir lé neach
ar bith a smachdughadh.
5 Agus do bhíodh sé do ghnáth, do
ló agus doidhche ar na sléibhtibh, agus
annsna túamuighibh ag éimhghe, agus
dá ghearradh féin ré clochaibh.
6 Agus ar bhfaicsin Jósa dhó a
bhfad úadh, do rith sé, agus do
shléuchd sé dhó:
7 Agus ag eimhghe do ghuth árd a
dubhairt sé. Créd í mo chuidsi dhíot a
Jósa a mhic Dé roáird? cuirim a
luchd Dé ort gan mo phianadh.
8 (Oír a dubhairt sé ris, A spio-
rad neamhghlan, tárr a mach as an
duine.)
9 Agus do fhíafruigh sé dhe, Créd
is ainm dhuit? agus do fhreagair seisean
ag rádh, Léghion is ainm dhamh: óir
a támáoid mórán ann.
10 Agus do íarr sé go roighéur air
gan a gcur a mach as an dúthaidh sin.
11 Agus do bhí tréad mór muc ann
sin air na sléibhtibh ag ingheilt.
12 Agus do íarradar na deamhuin
uile air, ag rádh, Cuir sinne ann sna
mucuibh, do chum go rachmáois a
sdeach ionnta.
13 Agus tug Jósa cead dóibh ar an
mball: agus ar ndul a mach do na
spioradaibh neamhghlana sin do chùadar
ann sna mucaibh: agus do thuit an tréd
a ndiáigh a gcinn ris an aill san bhfair-
ge, (agus do bhádar timcheall dhá
mhíle muc ann) agus do múchadh íad
ann sa bhfairge.
14 Agus do theitheadar búachailli-
dhe na muc, agus do inneasadar [sin]
don chathraigh agus don túaith, agus
tangadarsan a mach dá fhéuchain créd
do rinneadh [ann.]
15 Agus tigid siad chum Jósa, agus
do chíd an té an a raibh an deamhan
agus agá raibh an Léighión ann, na
shuidhe agus a éudach uime, agus a
chíall aige: & do ghabh eagla íad.
16 Agus an líon do chonnairc [so]
dinnseadar dhóibhsion, cionnas do
rinneadh ris an té an a raibh an dea-
mhan, agus a dtimcheall na muc.
17 Agus do thionnsgnadarsan íar-
ruigh airsion imtheachd as a dtóran-
nuibh féin.
18 Agus ar ndul a luing dhósan, do
íarr an té an a raibh an deamhan air,
é féin do bheith na fhochair.
19 Achd nír léig Jósa dhò, achd a
dubhairt sé ris, Imthigh dod thigh a
gceann do mhuinntire, & foillsigh dhóibh
méud na neitheadh do rinne an Ti-
ghearna dhuit, agus go ndearna sé
trócaire ort.
20 Agus do imthigh seision, & do
thionnsgain sé a sheanmórughadh a Ndé-
capolis méud na neitheadh do rinne Jósa
dhó: & do ghabh iongantus íad uile.
21 Agus an tan do chúaidh Jósa a
luing a rís tar a ais don táobh eile,
do chruinnigh slùagh mór chuige: agus
do bhí sé láimh ris an bhfairge.
22 Agus féuch, táinic fear áirighe dúa-
chdaránuibh na sionagóige, dar bhainm
Jáirus: & an tan do chonnairc sé eisean,
do léig sé é féin síos agá chosaibh.
23 Agus do ghuidh sé é go roighér,
ag rádh, A tá mhinghean bheag a
bponc bháis: tárr agus cuir do lámha
uirrthe, do chum go sláinéochaidhe í:
agus go mairfeadh sí.
24 Agus do imthigh [Jósa] leis: & do
lean slúagh mór é, & do bhíodair dá
bhrughadh.
25 (Agus

25 (Agus do bhí bean áirighe ann ſin
ar a raibh dortadh fola ré dhá bhlia-
dhain déug:
26 Agus do fhulaing mórán ó lea-
ghuibh iomdha, agus do chaith a raibh
aice uile, agus níor bhféairrde í é,
achd bá meaſa uádh í:
27 An tan do chúalaidh ſi teachd
thar Jóſa, táinic ſi don táobh ſhíar dhe
a meaſg an choimhthionóil, agus do
chumail ſi ré na éudach.
28 Oír a dubhairt ſi, Má bheanuim ré
na éudach a mháin, ſlainéochthar mé.
29 Agus do thiormaigh a dortadh
fola do láthair: agas do airigh ſi ar
a corp ſéin go raibh ſi ſlán ón phláigh
ſin.
30 Agus do aithin Jóſa ar an mball
ann féin an tſúbhailce do chúaidh as,
agus do fhill ſé ar a tſlúagh, agus a
dubhairt ſé, Cía bhean rém éuduighibh?
31 Agus a dubhradar á dheiſcio-
bail ris, Do chí tú an ſlúagh dod
bhrughadh, agus an bhfhiafruigheann
tú, Cía bhean rium?
32 Agus do fheuch ſeiſion na thim-
cheall, ionnas go bhfaicfeadh ſé an
bhean do rinne ſo.
33 Agus do ghabh crith & eagla
an bhean, ar naithne an neithe do
rinneadh innte féin, agus táinic ſi agus
do ſhléuchd ſi dhó, agus do innis ſi an
fhírinne uile dhó.
34 Agus a dubhairt ſeiſion ría, A in-
ghean, do ſhlánuigh do chréideamh thú?
imthigh a ſíothcháin, agus bí ſlán od
phláigh.
35 Agus ar mbeith dhóſan ag la-
bhairt, tigid [dáoine ó thigh] úachdar-
áin na ſinagóige, ag rádh, Fúair hin-
ghean bás, créd fá gcuireann tú búaidh-
readh ar an maighiſdir fealda?
36 Agus mar do chúalaidh Jóſa an
comhrádh ſo a dubhradh, a dubhairt
ſé ré húachdarán na ſionagóge, Ná
bíodh eagla ort, creid a mháin:
37 Agus níor fhulaing ſé neach ar
bith dhá leanmhuin, achd Peadar,
agus Séumus, agus Eóin dearbhráthair
Shéumuis.
38 Agus táinic ſé go tigh úachdar-
áin na ſíonagóige, agus do chonnairc
ſé an bhúaidhreadh, agus íad ag gul
agus ag cáoineadh go mór.
39 Agus ar ndul a ſteach, a du-
bhairt ſé ríu, Créd fá bhfuil búaidh-
readh oruibh, agus créd fá nguiltí? ni
bhfuair an cailín bás, achd is na codladh
a tá ſi.
40 Agus do rinneadarſan fónamhad
ſé, achd cheana ar gcur cháich uile a
mach dhóſan, beiridh ſé athair agus
máthair an chailín leis, agus an dream
do bhí na fhochair féin, agus téid ſé a
ſteach mar a raibh an cailín na luighe.
41 Agus air mbreith dhó air láimh an
chailín, a dubhairt ſé ría, Talita cúmi:
is é ſin ar na eidirmhínigheadh, A chai-
lín a deirim riot, éirigh:
42 Agus do éirigh an cailín ar an
mball, agus do ſhiubhail ſi: óir do
bhí ſi a gcionn a dá bhliadhan déug,
& do ghabh úathbhás romhór íadſan.
43 Agus do aithin ſé dhíobh go roi-
ghéur, gan a fhios ſo do thabhairt
déanduine: agus a dubhairt ſé, ní do
thabhairt don chailín ré a ithe.

CAIB. VI.

Tug Críoſd cumhacht da dheiſcioblaibh ar na Spioraduibh neamhghlana; 48 & ſhiubhail ſé ar an fhairge.

AGus do imthigh ſé as ſin, agus
táinic ſé dhá thír féin: agus do
leanadar a dheiſciobail féin é.
2 Agus an tan tháinic an tſabbaid, do
thionnſgain ſé teagaſg do dhéanamh an
ſa tſinagóig: agus do ghabh iongnadh
mórán dá gcúalaidh é, ag rádh, Créd
as a dtigid na neitheiſi chum an
fhirſi? agus créd í a neagna ſo tugadh
dhó, ionnus go ndéuntar a leitheide ſo
do ſhubhailcighibh tré na lámhuibh?
3 An né nach é ſo an ſaor úd, mac
Mhuire, agus dearbhráthair Shéumais
agus Joſés agus Júdais agus Shímóin?
agus an né nach bhfuilid a dheirbh-
ſheathracha ann ſo eadruinne? agus
fúaradar oilbhéim ann.
4 Achd a dubhairt Jóſa ríu, Ní
bhfuil fáidh gan mheas ach an a thír
féin, agus eidir a dháoinibh gáoil, &
an a thigh féin.
5 Agus níor bhéidir leis ſúbhailcighe
ar bith do dheunamh ann ſa náit ſin,
achd ag cur a lámh ar bheagán do dháoi-
nibh éugcrúaidhe, do ſhlánaigh ſé íad.
6 Agus do bhí iongnadh aige an a
neamhchreideamh ſúd: agus do thim-
chealluidh ſé na bailte fá gcúairt, ag
teaguſg.
7 Ann ſin do ghoir ſé an dá fhear
dhéug, agus do thionnſgain ſé a gcur
na ndís, agus na ndís: agus tug ſé
cumhachda dhóibh ar na ſpioraduibh
neamhghlana.
8 Agus do áithin ſé dhíobh gan ní ar
bith do bhreith léo chum na ſligheadh,
achd ſlat amháin, gan mhála, gan arán,
gan ionnmhus iona gcrios.
9 Achd a mbróga do chur orra: a-
gus gan dá chóta do bheith iompa.
10 Agus a dubhairt ſé ríu, Gidh bé
áit ar bith an a rachdáoi a ſdeach a
dtigh, fanuidh ann ſin nó go nim-
dhighthi as an mball ſin.
11 Agus gidh bé ar bith nach géubha
ſibh, agus nach éiſdſi ribh, ar nim-
theachd díbh as ſin, craithidh an lúaith-
readh bhías fá bhur gcoſaibh mar fhiadh-
nuiſi na naghaidh. Go fírinneach
a deirimſi ribh, gur fá ſocamhluighe do
Shodom nó do Ghomorra a ló an
bhreitheamhnuis, ná don chathruigh ſin.
12 Agus do imthigheadarſan, agus
dfhúagradar aithrighe do dhéunamh.
13 Agus do theilgeadar mórán
deamhan a mach: agus do ungadar mó-
rán

ran do dhaoinibh tinne lé bola, agus do
shlanuigheadar [iad.]
14 Agus do chúalaidh an Rí Ior-
úaith so, (oír do chúaidh ainm oirdheirc
airsion) agus a dubhairt sé, Gur éirigh
Eóin baisde ó mharbhuibh, agus dá
bhrígh sin a táid subhailcighe ag oibriu-
ghadh ann.
15 A dubhradar dream eile, gur
bhé Eliás é. Agus a dubhradar dream
eile, gur bhfáidh é, nó mar áon do na
fáidhibh.
16 Achd ar na chluinsin Dioruáith a
dubhairt sé, Is é so Eóin do dhicheann
misi: d'éirigh sé ó mharbhuibh.
17 Oír ag cur dháoine úadh Dio-
rúaith, do ghabh sé Eóin, agus do chean-
gail sé a bpriosún é, ar son Heródias
mhná pósda Philip a dhearbhráthar féin,
do bhrígh gur phós sé í.
18 Oír a dubhairt Eóin ré Hioruáith
Ní ceaduightheach dhuit bean Phósda do
dhearbhráthar féin do bheith agad.
19 Achd do bhí Heródias ar a thisean,
agus bá mían lé a mharbhadh: achd
níor bhéidir lé.
20 Oír do bhí eagla Eóin ar Ioruá-
aith, ar mbéith a fheasa aige gur dhuine
comhthrom náomhtha é, & do choimhéd
sé é: agus ar néisdeachd ris, do níodh sé
mórán, agus do éisdeadh sé ris go
toileamhail.
21 Agus an tan do bhí lá iomchu-
bhaidh ann, an a ndearna Ioruáith
suipér dá uaislibh, & dá cháiptínibh, agus
dúachdaránuibh na Galilé, comhainm a
láoi fá rugadh é:
22 Do chúaidh inghean Heródias a
sdeach, & do rinne sí damhsa, agus do
thaitin sí ré Hioruáith, agus ris an
gcuídeachda do bhí ar an mbórd na
fhochair, agus a dubhairt an Rí ris an
gcailín, Iarr oramsa gidh bé ní is áill
leachd, agus do bhéura mé dhuit é.
23 Agus tug sé mionna dhí, Gidh bé ní
iarrfus tú oram, do bhéura mé dhuit é,
go leath mo ríoghachda.
24 Achd ar nimtheachd a mach dhisi
a dubhairt sí ré na mathair, Créd
iárfas mé? agus a dubhairt sisi, Ceann
Eóin baisde.
25 Agus táinic sisi ar an mball a
sdeach chum an ríogh maille ré deith-
bhir, agus do iarr sí ag rádh, Is sí mo
thoil thú do thabhairt chinn Eóin baisde
dhamh a nois ar mhéis.
26 Agus do bhí an Rí lán do dhoil-
gheas, achd ar son a mhionn, agus na
druinge do bhí na suidhe na fhochair,
níor bháill leis isi do dhiultadh.
27 Agus ar gcur fhir dícheanta a
mach don Rígh do láthair, do aithin sé a
cheannsan do thabhairt a sdeach; agus
do imthigh seisean, agus do dhícheann sé
é ann sa phriosún:
28 Agus tug se a cheann leis ar mhéis
agus tug sé don chailín é, agus tug an
cailín é dá máthair.

29 Agus an tan do chúaladar a
dheisciobuilsion [so], tangadar agus
do thógbhadar a chorp, agus do chuirea-
dar a dtúama é.
30 Agus do chruinnigheadar na
heasbuil chum Iósa, agus do fhoillsighea-
dar dhó na huile ní, agus gach ní dá
ndearnadar, agus gach ní dar mhúinea-
dar.
31 Agus a dubhairt sé ríu, Tigidh-
si ar leith go hionad úaigneach, agus
deunaidh suáimhneas tamall beag. Oír
do bhádar mórán ag teachd, agus ag im-
theachd: agus ní fhúaradar am ar
bhíadh a mháin dithe.
32 Agus do chúadar a luing ar leith
go hionad fhásamhuil.
33 Agus do chonnairc an slúagh iadsan
ag imtheachd: & do aithneadar mórán
eilean: & do ritheadar dá gcois as
na caithreachuibh uile ann sin, agus do
bhádar rompasan, agus do chruinnighea-
dar chuigesion.
34 Agus ar ndul a mach Diósa,
do chonnairc sé an slúagh mór, agus
do ghabh trúaighe mhór dhóibh é, oír
do bhádar mar cháorcha gan áodhaire
aca: agus do thiónnsgain sé mórán do
mhúnadh dhóibh.
35 Agus an tan tháinic mórán don
lá, do chúadar a dheisciobuil chuigesion,
ag rádh, A tá an tionadh na fhásach,
agus tháinic móran don lá:
36 Léig úait iad, ionnus go rachai-
dis fán dtír, agus fá na bailtibh na dtim-
cheall, do cheannach aráin dóibh féin:
oír ní bhfuil ni aca do iosaidis.
37 Achd ar bhfreagra dhósan a dubh-
airt sé ríu, Thabruidhsi dhóibh ní ré na
ithe, agus a dubhradarsan ris, An rach-
máois do cheannach lúach dhá chéud pi-
ghinn daránuibh, do chum go dtiobhra-
máois ní dhóibh ré na ithe.
38 Agus a dubhairt seisean ríu, Gá
mhéud arán a tá agaibh? imthighidh, &
féachuidh: agus ar bhfagháil a fheasa sin
dóibhsion, a dubhradar, Cúig [aráin]
agus dá iasg.
39 Agus do aithin sé dhíobh cách uile
do chur na suidhe na gcomhlánuibh ar
a bhféur ghlas.
40 Agus do shuigheadar síos na
mbuidhnibh as comhair a chéile, na
gcéuduibh, agus na gcáogaidibh.
41 Agus ar ngabháil na gcúig
narán chuige, agus an dá iasg, ar
bhféachain súas ar neamh dho, do
bheannuigh sé, agus do bhris sé na ha-
ráin: agus tug sé dá dheisciobluibh iad
do chum go gcuirfidís na bhfiadhnuis-
sion [iad;] agus do roinn sé an dá
iasg orrtha uile.
42 Agus do itheadar cách uile, agus
do sathuigheadh iad.
43 Agus do thógbhadar dhá chliabh
dhéug lán do bhíadh bhrisde, agus do na
hiasguibh.

44 Agus do bhádar an dream a dháigh
an tarán, a dtimhcheal chúig mhíle fear.
45 Agus do chuir sé dhfiachuibh ar a
dheisciobluibh do láthair dul a luing,
agus dul roimhe don táoibh a nunn go
Betsuida, nó go léigeadh sé féin an slúagh
uadh.
46 Agus an tan do chuir sé úadh
iad, do chúaidh sé ar shliabh do dhéa-
namh urnuighthe.
47 Agus an tan do bhí deireadh an
laoi ann, do bhí an long a lár na fairge,
agus eisean ná áonar ar tír.
48 Agus do chonnairc sé iadsan ag
cur shaothair mhóir orrtha féin ag iom-
ramh: (oír do bhí an ghaoth na na-
ghuidh) agus táinic sé chuca timcheall
an ceathramhadh faire don oidhche, ag
siobhal ar an bhfairge: agus do mhea-
dhuigh sé dul thárrsa.
49 Achd ar na fhaicsin dóibhsion ag
siobhal ar an bhfairge, do shaoileadar gur
thaidhbhás é: agus do éighmheadar:
50 (Oír do chonncadar uile é, agus do
bhádar ar na mbúaidhreadh) agus do la-
bhair sé ríu ar an mball, agus a dubhairt
sé ríu, Bíodh meisneach maith aguibh, misi
a tá ann, na bíodh eagla oruibh.
51 Ann sin do chúaidh sé súas chu-
ca ann sa luing: agus do chíunaigh an
ghaoth: agus is móide go mór do bhí
uathbhás agus iongantus orrthasan
sin.
52 Oír ní thugadar da naire [an ní
do rinneadh] ris na haránuibh: óir do
bhí a gcroidhe crúaidh.
53 Agus an tan do chúadar thairis,
tangadar go talamh Geinesaret, agus
tangadar a dtír.
54 Agus tar éis teachda a mach as an
long dhóibh, ar an mball do aithnighea-
dar eisean.
55 Agus do ritheadar luchd na tíre
sin uile sa gcúairt, agus do thionnsgna-
dar na dáoine tinne diomchar ar leaptha-
chuibh, dá gach áit na gcluindís eision
do bheith.
56 Agus gidh bé bailte, nó caith-
reacha, no dúthaigh, an a ndeachuidh sé
asdeach, do chuirdís na dáoine tinne ar
na sráidibh, agus do iárraidís air cumailt
ré himeal a éuduigh a mhain: agus an
mhéid do chumail ris, fúaradar a
slainte.

CAIB. VII.

Gan áithne Dé chur ar gcúl, le fúar-ghná-thuighthibh na sean.

AGus do cruinnigheadar na Phairisi-
nigh chuige, agus cuid do na Sgrío-
bhidhibh tháinic ó Iarusaléim.
2 Agus ar bhfaicsin dóibh go ndúa-
dar cuid dá dheisciobluibhsion arán lé
lámhuibh coitchionna (adhón gan ionn-
ladh) do rinneadar gearán.
3 (Oír ní ithid na Phairisinigh agus
na Iúduighe uile bíadh, muna nionnlaid
siad a lámha go minic, ag coimhéd ór-
duighthe na sinnsior.
4 Agus [air dteachd] ón mhargadh,
muna nionnlaid, ní ithid siad, & a táid
mórán do neithibh eile do ghabhadar orra
do choimhéud, [mar a tá] nighe na gco-
pán, & na bpotadh, agus na soightheach
práis, agus na leabthach.
5 Do fhiafruigheadar na Phairisinigh,
agus na Sgríobuidhe dhe tar éis sin, Créd
fá nách siubhluid do dheisciobuilsi do
réir órduighthe na sinnsior, achd ithid
arán lé lamhuibh gan ionnladh?
6 Agus do fhreagair seision, agus
a dubhairt sé ríu, Go fírinneach is maith
do rinne Isaías faidheadóireachd bhar
dtimcheall, a luchd an fhúarchrabhuidh,
mar a tá sgríobhtha, Onóruighid an
pobal so mé le na bpusuibh, achd a tá a
gcroidhe a bhfad úaim.
7 Achd is díomháoineach do nid seir-
bhís damhsa, ag teagasg aitheantadh na
ndaoine mar theagasg.
8 Oír air dtréigean áithne Dé, gabh-
uidh sibh órdughadh na ndáoine, [mar a
tá] nighe na bpotadh agus na gcopàn:
agus do nithí mórán do neithibh eile is
cosmhail ríu so.
9 Agus a dubhairt sé ríu, Is maith
churtháoi ar gcúl aithne Dé, ionnas go
gcoimhéudfadh sibh bhur ngnáthughadh
féin.
10 Oir a dubhairt Máoisi, Onóruigh
hathair agus do mháthair féin, agus gidh
bé a déara olc ré na athair nó ré na
mháthair, cuirthear chum báis é.
11 Achd a deirthisi, Dá nabradh éin
neach ré na athair nó ré na mháthair,
Corbàn (adhón, an tiodhlacadh) do
bheirimsi úaim, rachaidh sé a dtarbha
dhuitsi.
12 Agus ní léigtí dhó as sin a mach
ní sa mó do dhéunamh dá athair no dhá
mháthair féin:
13 Ag cur bhréithre Dé ar gcúl leis
an ngnáthughadh do órduigheabhair féin:
& is mór dá leitheidibh so do níthi.
14 Agus ar ngairm an tslúaigh uile
chuige dhó, a dubhairt sé ríu, Eisdigh
riumsa uile, agus tuigidh.
15 Ní bhfuil ní ar bith ar an dtáobh
a muigh don duine théid a sdeach ann
lé nab éidir a shalchadh: achd na
neithe thig as a mach, as iad sin na
neithe shalchas an duine.
16 Gidh bé agá bhfuilid clúasa chum
éisdeachda, éisdeadh sé.
17 Agus an tan do chúaidh sé a
sdeach a dtigh ón tslúagh, do chuirea-
dar a dheisciobuil ceisd air, a dtimcheall
na cosamhlachda.
18 Agus a dubhairt sé ríu, An bhfuiltisi
leis mar an gcéudna gan tuigse? an né
nach dtuigthí gidh bé ní don táobh a
muigh théid a sdeach sa duine, nach
éidir leis eisean do shalchadh?
19 Oir ní théid sé a sdeach ann a
chroidhe, achd ann a bholg: & téid sé a
mach sa chamra, ghlanus a nuile bhíadh.
20 Achd a dubhairt sé, An ní théid
amach

amach as an duine, as é ſin ſhalchus
an duine :
21 Oír is ón táobh a ſdigh, ó chroidhe
na ndáoine, thigid na drochſmúain-
tighe, adhaltrannas, ſdríopachus, dún-
mharbhtha :
22 Goid, ſainnt, aingídheachd, meall-
tóireachd, míonáire, drochſhúil, blaiſ-
phéime, úabhar, amadanachd.
23 Tigid na huilcſi uile ón táobh
a ſdigh, & ſalchuid an duine.
24 Agus ar néirghe dhó as ſin, do
chúaidh ſé go críochaibh Thírus & Shi-
don : & ar ndul a ſdeach a dtigh
dhó, nír bháill leis duine ar bith dfa-
ghail a fheaſa : gidheadh nír bhéidir
leis bheith a bhfolach.
25 Oír an tan do chúalaidh bean
da tháoibh, agá raibh ſpiorad neamh-
ghlan an a hinghin, táinic ſi & do léig
ſi í féin ſíos agá choſaibh :
26 (Agus do budh Gréugach an bhean,
Sirophenisſa do chinéul) & do ghuidh
ſi é an deamhan do theilgean a mach
as a hinghin.
27 Achd a dubhairt Ióſa ría, Fulaing
ar tùs an clann do ſháithiughadh : óir ní
hiomchubhuigh arán na cloinne do ghla-
cadh, & a theilgean chum na gcoiléun.
28 Achd do fhreagair ſiſi, & a du-
bhairt ſi ris, Is fíor ſin a Thighearna,
gidheadh ithid na cuiléin faoi an mbórd
ní do sbrúileach na leanabh.
29 Agus a dubhairt ſeiſean ríaſi, Ar
ſon na caionti ſo imthigh romhad : do
chúaidh an deamhan a mach as hinghin.
30 Agus do chúaidh ſi dhá tigh, &
fúair ſí an deamhan ar nimtheachd, &
a hinghean na luighe ar a leabuidh.
31 Agus do fhill ſé a rís ó thó-
rannuibh Thíruis & Shidon, & táinic
ſé go fairge na Galilé, tré lár chrío-
chaibh Dhecapólis.
32 Agus tugadar duine bodhar
balbh chuige : & do íarradar air a
lámh do chur air.
33 Agus ar na bhreith leis fó leith
òn phobal dó, do chuir ſé a mhéir ann
a chlúaſaibh : & ag ſeileagh dhó,
do bhean ſé ré na theanguidh.
34 Agus ar bhſéachain ſúas ar neamh
dhó, do léig ſé oſnadh as, & a dubhairt
ſé ris, Ephphatha, adhón, Bí oſgailte.
35 Agus ar an mball do hoſgladh a
chluaſa : & do ſgáoileadh cuibhreach a
theangadh, & do labhair ſé go ceart.
36 Agus do aithin ſé dhíobh gan ſin
dinniſin déainneach : achd ní bhfuil dá
mhéud dá dtoirmíoſgadh ſeiſean, nach
móide go mór dfoillſighidiſion [é.]
37 Agus do ghabh iongantus romhór
íad, & a dubhradar : Do rinne ſé gach
uile ní go maith : do bheir ſé fá deara
go gcluinid na bodhair, & go la-
bhruid na bailbh.

C A I B. VIII.

Mirbhuilte na 7 naráin, 27 &c. admhail Ióſa gur bé féin an Crioſd úd bhi ré teachd, 38 um nach cóir náire do ghabhail.

ANn ſna láethibh ſin ar gcruinniu-
ghadh do phobal romhór, agus
gan ní aca do íoſaidis, ar ngairm a
dheiſciobal Díoſa chuige, a dubhairt ſé
ríu :
2 A tá trúaighe romhór agam don
phobal : do bhríogh gur fhanadar a
nois trí lá am fhochair, & nach bhfuil
ní ar bith ré a ithe aca.
3 Agus dá léige mé na dtroſgadh dhá
dtighibh féin íad, rachaid ſíad a nan-
bhfainne ar ſlighe, óir tháinic cuid aca
a bhfad.
4 Agus do fhreagradar a dheiſcio-
buil é, Ga háit as a bhféadfadh duine
ìad ſo do ſháſadh lé harán ann ſo ar
an bhfáſach ?
5 Agus do fhíafruigh ſeiſean díobh,
Gá mhéud arán a tá agaibh ? & a du-
bhradarſan, A ſeachd.
6 Agus do aíthin ſeiſion don tſlúagh
ſuidhe ſíos ar an dtalamh : agus ar
nglacadh na ſeachd narán dó, tar éis
bhuidheachuis do thabhairt, do bhris ſé,
& tug ſé dá dheiſciobluibh [íad] do
chum a gcura ann a bhfiadhnuiſi : &
do chuireadarſan a bhfiadhnuiſi an
tſlúaigh [iad.]
7 Agus do bhádar beagán díaſgaibh
beaga aca : & an tan tug ſé buidhea-
chus, a dubhairt ſé íad ſoin fós do chur
na bhfíadhnuiſi.
8 Agus do itheadar, agus do ſáſadh
íad : & do thôgbhadar ſeachd gcléibh
do bhiadh bhriſde do bhí dfuighleach
aca.
9 Agus do bhí an luchd do chaith an
bíadh a dtimcheall cheithre míle : &
do léig ſé úadh íad.
10 Agus ar an mball ar ndul a
luing dhó maille ré na dheiſciobluibh,
táinic ſé go rann Dalmanúta.
11 Agus tangadar na Phairiſinigh a
mach, & do thionnſgnadar connſpóid
do chur air, ag íarruigh comhartha ó
neamh air, dha theaſdughadh.
12 Agus ar ndéunamh oſna dhóſan
an a ſpioraid, a dubhairt ſé, Créd fá
níarrann an cineadh ſo comhartha ? a
deirim ribh go fírinneach, nach dtio-
bharthar comhartha don chineadh ſo.
13 Agus ar na bhfagbháil dó, ar
ndul a luing a rís, do chúaidh ſé don
táoibh eile.
14 Agus do dhearmadar na deiſcio-
buil arán do bhreith léo : agus ní
raibh aca achd áon arán amháin ann
ſa luing.
15 Agus do aithin ſé dhíobh, ag
rádh, Féuchaidh, coimhéadaigh ſibh ó
laibhín na Bhpairiſíneach, & ó laibhin
Iorúaith.
16 Agus do thagradarſan eatorra
féin, ag rádh, Is tré nach bhfuilid
aráin aguinn [a tá ſé.]
17 Agus ar ná aithne ſin Díoſa, a
dubhairt ſé ríu, Créd do bheir ag
díosbóireachd ſibh, ar ſon nach bhfuilid
aráin

aráin aguibh? né nach fios díbh fós
agus nach dtuigthí? an bhfuilid croi-
dheadh crúaidhe aguibh fós?
18 O a táid súile aguibh, Créd fá nach
bhfaicthí? & ó táid clúasa aguibh, Créd
fá nach ccluintí, agus nach ccuimhnigh-
thí?
19 An tan do bhris mé na cúig aráin
ar na cúig mhíle, ga mhéud clíabh lán
do bhíadh bhrísde do thógabhair? a dei-
ridsean ris, Dhá chlíabh dhéug.
20 Agus a núair [do bhris] mé na
seachd naráin ar na ceithre mhíle fear,
gá mhéud clíabh lán do bhíadh bhrísde
do thógabhair? agus a dubhradarsan, A
seachd.
21 Agus a dubhairtsion ríu, Cionnas
nach dtuigthí [na neithesi?]
22 Agus táinic sé go Betsaida: agus
tugadar dall chuige, agus do íarradar air
bhain ris.
23 Agus ar mbreith ar láimh an doill
dó, do threóruigh sé as an mbaile a mach
é: agus ar gcur a sheile ar a shúilibh,
agus ar gcur a lámh air, do fhíafruigh
sé dhe an bhfacuidh sé én ní.
24 Agus ar dtógbháil a shúl súas dó-
san, a dubhairt sé, Do chím dáoine ag
siobhal mar chranna.
25 Na dhíaigh sin, do chuir sé a lámha
a rís ar a shúilibh, agus tug sé fá deara
dhó, a shúile do thógbháil súas: agus do
haiseagadh [a radharc dhó,] agus do
chonnairc sé cách uile go soilléir.
26 Agus do chuir sé dhá thigh féin
é, ag rádh, Na himthigh don bhaile úd a
steach, agus ná hinnis [so] déanduine sa
bhaile.
27 Agus do chúaidh Iósa agus a dheis-
ciobail a mach go bailtibh Sesária Phi-
lippi: agus do chuir sé ceisd ar a dheis-
ciobluibh ar a tslighe, ag rádh ríu,
Cred a deirid na dáoine cía misi?
28 Achd do fhreagradarsan, [A deir
cuid díobh gur ab tú] Eóin baisde: &
cuid eile Elías: agus cuid eile, áon do
na fáidhibh.
29 Agus a dubhairt seisean ríu, Achd
cred a deirthísi cía mé? ar bhfreagra
do Pheadar, a dubhairt sé ris, As tú
Críosd.
30 Agus do bhagair sé orrtha, gan
innse déinneach dá tháobh féin.
31 Agus do thionnsgain sé a dteagasg,
gur ab éigin do mhac an duine morán
do fhulang, agus a dhiúltadh ó na sinn-
searuibh, agus ó úachdaránuibh na sa-
gart, & ó na sgríobuidhibh, agus a
mharbhadh, & éirghe a rís a gcionn
trí lá.
32 Agus do labhair sé an glórsa
go áird. Agus ar mbreith do Pheadar
air, do thionnsgain sé achmhusán do
thabhairt dó.
33 Achd ar gcasadh dhósan, agus ar
bhfhéachain ar a dheisciobluibh, do im-
dhearg sé Peadar, ag rádh, Imthigh am
dhíaigh a Shatáin: óir ní thuigeann tú
na neithe bheanas ré Día, achd na
neithe bheanas ré dáoinibh.
34 Agus ar ngairm an tslúaigh agus
a dheisciobal chuige dhó, a dubhairt
sé ríu: Gidh bé lé nab áill misi do lean-
mhuin, díultadh sé dhó féin, agus tóg-
bhadh sé a chros, agus leanadh sé misi.
35 Oir gidh bé neach lé nab áill anam
féin do choimhéd, caillfidh sé é; agus
gidh bé neach chaillfeas anam féin ar mo
shonsa, agus ar son an tsoisgéil, coi-
mhéudfaidh sé é.
36 Oir créd é an tarbha do neach ar
bith, dá ngnodhuighe sé an domhan uile,
agus anam féin do chaill?
37 Nó créd í an mhaluirt do bhéuradh
éinneach ar son anma féin?
38 Oir gidh bé neach lér nár misi,
agus mo bhriathra ann sa chineadh a-
dhaltrannach & pheacthach so, budh
nár lé mac an duine eisean mar an
gceadna, an tan thiocfas sé a nglóir
athar féin, maille ré na ainglibh náomh-
tha.

C A I B. IX.

Athrughadh cruth Josa, 33 ré a theagasg ar úmhla, 38 & ar seirce.

AGus a dubhairt sé ríu, Go firinneach
a deirimsi ribh, go bhfuil cuid dá
bhfuil na seasamh ann so do lathair,
nach blaisfi bás, no go bhfaicid síad
ríoghachd Dé ag teachd maille ré
cumhachduibh.
2 Agus a gcionn sé lá na dhíaighsin,
rug Jósa Peadar, & Séumas, agus Eóin
leis, & do thréoruigh sé íad na náonar
fá leith, go sliabh ro árd: agus do
háthruigheadh a chruth na bhfíadhnuisi:
3 Agus do bhádar a éaduighe deal-
ruigheach, roigheal mar an sneachta,
a gcruth nách éidir lé háon ghlanadóir
éaduighe ar talamh a ngealadh.
4 Agus do taidhbhreadh dhóibh Elías
maille ré Máoisi, & do bhádar ag comh-
rádh ré Híosa.
5 Agus ar bhfreagra do Pheadar, a
dubhairt sé ré Híosa, A mhaighisdir, is
maith sinne do bheith ann so: ar a nadh-
bharsin déunam trí botha, both dhuitsi,
agus both do Mháoisi, agus both D'É-
lías.
6 Oir ní raibh a fhios aige créd do
laibhéoradh sé: óir do bhádar ar crith
ré heagla.
7 Agus do éirigh néull do thar sgáile
na dtimcheall: agus táinic guth as an
néull, ag rádh, Ag so mo mhac gradh-
achsa, éisdigh ris.
8 Agus ar bhféachain na dtimcheall
go hobann dóibh, ní fhacadar éin neach
as sin súas, achd Jósa na áonar na
bhfochair.
9 Agus ag teachd dóibh a núas
on tsliabh, do áithin sé dhíobh gan na
neithe

neithe do chonncadar dinnisin déin
neach, no go neiséirgheadh mác an
duine ó mharbhuibh.
10 Agus do chongmhadar an glór sin
aca féin, dá fhiafruighe dhá cheile,
Créad is ciall dó súd, eiseirghe ó mhar-
bhaibh,
11 Agus do fhiafruigheadar dheisean
ag rádh, Créd fá nabruid na Sgrío-
buidhe, gur ab éigean Elías do theachd
ar tús?
12 Agus ar bhfreagra dhósan a
dubhairt sé ríu, Tig Elías go deimhin ar
tús, & aiseochaidh sé gach uile ní:
agus mar a tá sgríobhtha a dtimcheall
mhic an duine, Go gcaithfeadh sé mó-
rán dfulang, & bheith fá neimhchion.
13 Achd a deirimsi ribh, Go dtáinic
Elías, & go ndearnadar ris gidh bé
ní do thogradar, mar a tá sgríobh-
tha air.
14 Agus ar dteachd dó chum a dheis-
sciobal, do chonnairc sé slúagh mór
ná dtimcheall, & ná Sgríobuidhe ag
diosbóireachd ríu.
15 Agus ar an mball a bhfacaidh an
slúagh uile é, do ghabh úathbhás íad:
agus ag rith chuige do chuireadar fáilte
roimhe.
16 Agus do fhiafruigh sé do na
Sgríobuidhibh, Créd é an ní so tha-
garthaoi eadruibh féin?
17 Agus ar bhfreagra do neach don
tslúagh, a dubhairt sé, A mhaighisdir,
tug mé mo mhac chugad, an a bhfuil
spiorad balbh.
18 Agus gach uile bhall a mbeireann
sé air, tairngidh sé as a chéile é: &
cuiridh sé cubhar thar a bhéul, & do
ní sé gíosgarnach lé na fhíacluibh, &
téid sé a seirgtheachd: & a dubhairt
mé réd dheisciobluibhsi a cur a mach
as, achd cheana níor fhéudadar.
19 Agus ar bhfreagra dhósan a dubh-
air sé ris, A chíneadh gan chreideamh,
gá fad bhías mé eadruibh? & gá fad
fós fhuiléongus mé sibh? tabhruidh
chugamsa é.
20 Agus tugadar chuige é. Agus
an tan do chonnairc sé é, do thar-
raing an spiorad as a chéile é ar ball;
agus ar dtuitim ar an dtalamh dhó,
do bhí sé dhá únfairt ag cur chubhair
[as a bhéul.]
21 Agus do fhiafruigh [Jósa] dhá
athair, Gá fad daimsir ó thárla so dhó?
achd a dubhairt seision, O bhí sé na
leanabh:
22 Agus is minic do theilg sé a
dteinidh & a nuisge é, do chum go
millfeadh sé é. Achd má a tá cumh-
achd ar bith agadsa, bíodh trúaighe
agad dhúinn, & fóir oruinn.
23 Achd a dubhairt Josa ris, Más
éidir leachd so do chreideamhuin, a tá
gach én ní soidhéanta don té chreidios.
24 Agus ar néigheamh dathair an
bhuachalla ar an mball maille ré dea-
ruibh, a dubhairt sé, Creidim a Thigh-
earna, fóir mo mhíchreideamh.
25 Agus an tan do chonnairc Jósa
an sluagh uile ag comhrith chuige, do
imdhearg sé an spiorad neamhghlan, ag
rádh ris, A spiorad bhailbh & bhodhair,
aithnimsi dhíot, imthigh a mach as, &
na héirigh a sdeach ann ní sa mhó.
26 Agus ar néigheamh dhó, & ar
na tharrang as a chéile go ro úathbhá-
sach, do chúaidh sé a mach as: & do
bhí sé a riochd mhairbh, ionnas go
ndubhradar mórán, go bhfuair sé bás.
27 Achd ar mbreith Díosa ar a
láimh, do thógaibh sé súas é: agus
déirigh seision.
28 Agus an tan do chúaidh sé a
sdeach a dtigh, do fhiafruigheadar a
dheisciobail de go seicréideach, Créd
fá nár fhéadamairne an [spiorad] úd
do theilgean a mach?
29 Agus a dubhairt seisean ríu, Ní
héidir an ghné [dheamhan] so do dhul
a mach lé ní ar bith, achd tré úr-
nuighthe, & tré throsgadh.
30 Agus ar nimtheachd dóibh as sin,
do chúadar tríd an Ngalilé: agus
níor bháil leis a fhios do bheith ag
éinneach.
31 Oír do theagaisg sé a dheisciobail
féin, & a dubhairt sé ríu, Do bhéur-
thar mac an duine a lámhuibh na
ndáoine, & cuirfid chum báis é: & tar
éis bhais dfagháil dó, éiréochuidh sé
an treas lá.
32 Achd níor thuigeadar an comh-
rádhsa, & do bhí eagla orrtha a fhía-
fruighe dheisean.
33 Agus táinic sé go Capernáum:
& air mbeith a dtigh dhó, do fhiaf-
ruigh sé dhiobh, Créd do bhí aguibh
dhá thagra eadruibh féin air a tslighe?
34 Achd do thochdadarsan: óir do
bhádar ag tagra a naghaidh a chéile
air a tslighe, Cía aca budh mhó.
35 Agus ar suidhe dhó, do ghoir
sé an dá fhear dhéug chuige, & a du-
bhairt sé ríu, Gidh bé neach lé nab
mian bheith a dtosach, búdh é bhus
déighionuigh do chách uile, & bhus
seirbhíseach dhóibh uile.
36 Agus ar mbreith ar leanabh dhó,
do chuir sé ann a lár é: & ar na
ghabháil ann a uchd, a dubhairt sé ríu,
37 Gidh bé neach ghéubhus chuige
áon dá leitheidibh so do leanbuibh am
mainmsi, gabhuidh sé misi chuige, &
gidh bé neach gheúbhus misi chuige, ní
misi ghabhus sé chuige, achd an té do
chuir úadh mé.
38 Achd do fhreagair Eóin é, ag
rádh, A mhaighisdir, do chonncamair
neach ag cur deamhan a mach ad ainm-
si, nach leanann sinne: & do chuireamar
toirmeasg air, ar son nách leanann sé
sinn.
39 Agus a dubhairt Jósa, Ná toirmea-
sguidh é: óir ní bhfuil éinneach do
dhéana míorbhuile tré mainmsi, agus
fhéadus

fhéadus olc do rádh ríum ar an mball.
40 Oír gidh bé neach nach bhfuil
ar naghuidh, a tá sé air ar son.
41 Oír gidh bé neach do bhéura
cupán uisge ré a òl dáoibhsi am mainm-
si, tré gur ab lé Críosd sibh, a deirim
ribh go fírinneach, nach léigfi sé a
luaidheachd a mugha.
42 Agus gidh bé bhéuras adhbhar
oilbhéime dáoin neach do na dáoinibh
beaga so chréideas ionnamsa, do bhfearr
dhó go mór go gcuirthí cloch mhuilinn
fá na bhrághuid, & go dteilgthí é
ann sa bhfairge.
43 Agus más ciontach do lámh ré
hoilbhéim dfagháil duit, gearr dhíot ì:
is fearr dhuit dul ar leathláimh don
bheathaidh, ná dhá láimh do bheith
agad, & dul go hifearnn, a dtéinidh
nach éidir do mhúchadh:
44 A náit nach éugann a bpéisd,
agus nách múchtar a dteine.
45 Agus más ciontach do chos ré
hoilbhéim dfagháil duit, gearr dhíot í:
is fearr dhuit dul don bheathuidh
mharthanuigh ar leathchois, ná dhá
chois do bheith agad & do theilgean
go hifearn, ann sa teinidh nách éidir
do mhúchadh:
46 A náit nách éugann a bpéisd, &
nach múchtar a dteine.
47 Agus más ciontach do shúil ré
hoilbhéim do thabhairt duit, teilg asad
í: is fearr dhuit dul a sdeach go riogh-
achd Dé ar éunsúil, ná dhá shúil do
bheith agad, & do theilgean go teinidh
ifeirn:
48 A náit nách éugann a bpéisd, &
nach múchtar a dteine.
49 Oir saillfithear gach áoin neach le
teinidh: agus saillfithear gach aóin
iodhbairt lé salann.
50 Is maith an salann: achd cheana
ma bhìonn an salann gan bhlas, Créd
le a ndéuntáoi deaghbhlasda é? bíodh
salann agaibh ionnaibh féin, & bíodh
síodhcháin aguibh ré chéile.

CAIB. X.

Um thréigean na mban, 13 *&* *bheannughadh na leanabh mbáoth lè Críosd.*

AGus ar néirghe as sin dó, táinic
sé go críochuibh Iúdea, trés an
taoibh thall do Iórdan: & do chruin-
nigheadar slúaighte a rís chuige: &
mar budh ghnáth leis, do theaguisg
sé iad a rís.
2 Agus ar dteachd do na Phairisi-
neachuibh chuige, do fhíafruigheadar
dhé, dá theasdughadh, Nar cheadui-
gheach dfior a bhean do léigean.
3 Achd ar bhfreagra dhósan, a dubh-
airt sé ríu, Créd do aithin Máoisi dhibh?
4 Agus a dubhradarsan, Dfulaing
Máoisi leitir dhealaighthe do sgríobh-
adh, agus a leigean.
5 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt
sé ríu, Is ar son chrúais bhur gcroidhesi
do sgríobh sé a naithnesi dhíbh.
6 Gidheadh ó thósach an chruthaigh-
the, fear & bean do rinne Día iad.
7 Ar a nadhbharsin súicfidh neach
a athair féin, & a mhathair, & cean-
galfuigh sé dhá mhnáoi phósda:
8 Agus béid a ráon na náoin
fhéoil: ionnas nách dias iad as sin a
mach, achd éin fhéoil amháin.
9 Ar a nadhbharsin gidh bé ní do
cheangail Día ré chéile, na sgáoileadh
duine é.
10 Agus a stigh a rís do chuireadar
a dheisciobuil ceisd sin ní céudna sin air.
11 Agus a dubhairt seision ríu, Gidh
bé ar bith duine léigfios a bhean féin,
& bhéuras bean eile, do ní sé adhal-
trannus na haghaidh.
12 Agus má leigeann bean a fear
féin, & go bpósfadh sí ré fear eile, do
ní sí adhaltrannas.
13 Agus tugadar chuige leinibh, do
chum go mbeanfadh sé ríu: & do
imdheargadar a dheisciobail an mhuin-
tir thug léo iad.
14 Achd an tan do chonnairc Iósa
[sin,] do bhí míchéudfaidh aige orrtha,
& a dubhairt sé ríu: Leigidh do na
leanbaibh teachd chugamsa, & ná
toirmeasgaidh iad: Oir is lé na leith-
éidibh súd flaitheas Dé.
15 A deirim ribh go fírinneach, gidh
bé nách géubha ríoghachd Dé chuige
mar leanabh, nach racha sé a sdeach
go bráth innti.
16 Agus an tan do ghabh sé chuige
iad an a uchd, ar gcur a lámh orrtha,
do bheannaigh sé iad.
17 Agus an tan do chúaidh sé a mach
ar a tslighidh, do rith òglach chuige, &
do léig sé ar a ghlúinibh dhó é, & do
fhíafruigh sé dhe: a mhaighisdir mhaith,
Créd do dhéuna mé, do chum go
bhfuighinn an bheatha mharthanach
doighreachd?
18 Agus a dubhairt Iósa ris, Crèd
fá ngoireann tú maith dhiomsa? ní
bhfuil éinneach maith, ach Día amhain.
19 A tá fios na naitheantadh agad. Ná
déuna adhaltrannus, Ná déuna dúnmhar-
bhadh, Ná déuna goid, Ná déuna fiadh-
nuisi bhréige, Ná déuna mealltóireachd,
Onóruigh thathair féin & do mháthair.
20 Achd ar bhfreagra dhósan, a du-
bhairt sé ris, A mhaighisdir, do choimh-
éud mé iad so uile ó móige.
21 Achd ar bhféuchain Díosa air,
tug sé toil dó, & a dubhairt sé ris, A
tá én ní duireasbhuidh ort: imthigh,
reac a bhfuil agad, & tabhair do na
bochdaibh: & do ghéubha tú cisde ar
neamh: & tàrr, tóg do chros, & lean misi.
22 Agus do ghabh doilgheas eisean ar
son an chomhráidh sin, & do imthigh sé
go tuirseach: óir do bhí iomad saidh-
bhris aige.
23 Agus an tan do fhéuch Iósa na
thimcheall, a dubhairt sé ré na dheis-
ciobluibh, Crèd é a dhocamhluighe don
mhuinntir agá bhfuil saidbhrios, dul a
sdeach go flaitheas Dé? 24 Agus

24 Agus do bhí úathbhás ar a dheisciobluibh tré na bhriathruibh. Agus ar
bhfreagra Díosa a rís, a dubhairt sé
riu: A chlann, Créd é dhocrachd don
mhuinntir chuireas a ndóigh a saidhbhreas, dul a sdeach go flaitheas Dé?
25 As usa do chámhall dul tré chró
snáthaide, ná do dhuine shaidhbhir dul
a sdeach go flaitheas Dé?
26 Achd do ghabh barr úathbhais
iadsan, ag rádh eatorra féin, Máseadh
cia is éidir do shlánughadh?
27 Agus ar bhféuchuin Díosa orrtha
a dubhairt sé, Ní bhfuil so air cumas do
dháoinibh, achd a tá sé ar cumas do
Dhía, óir a táid na huile neithe soidhéunta do Dhía.
28 Agus do thionnsgain Peadar a
rádh ris, Féuch, do thréigeamairne
gach uile ní, & do leanamar thusa.
29 Achd ar bhfreagra Díosa, a dubhairt sé, A deirim ribh go fírinneach,
nach bhfuil éin neach fhuigfeas a thigh,
nó a dhearbhráithreacha, nó a dheirbhshеathracha, nó a athair, nó a mbháthair,
nó a bhean, nó a chlann, nó a dhúthaidh,
ar mo shonsa & ar son an tsoisgéil:
30 Nach bhfuighe sé a chéud oiread a
nois ann sa naimsirso, tighthe, & dearbhraithreacha, & deirbhsheathracha,
& máithreacha, & clann, & dúthaidh
maille ré hannró, & ann sa tsáoghal
a tá ag teachd, an bheatha mharthannach.
31 Achd a táid mórán ar tús, bhías
fá dheireadh: agus ar deireadh, bhías
ar tús.
32 Agus do bhádar ar a tslighe ag
dul súas go Hierusaléim: & do bhí
Jósa rompa: & do ghabh iongantas
iad, & agá leanmhuin do ghabh eagla
iad. Agus ar mbreith an dá fhear
dhéug dhó fá leith leis a rís, do thionnsgain sé na neithe do theigéumhadh
dhó, d'innisin dóibh.
33 Oír féuch, a tamaóid ag dul súas
go Hiarusaléim, & do bhéarthar mac
an duine dúachdaranuibh na sagart, &
do na Sgríobuidhibh, & béuruid breith
bháis air, & do bhéaruid do na cineadhachuibh é:
34 Agus do dhéunaid fonámhad faoi,
& sgiursfuid é, & séubhaid do shéilidhibh air, & cuirfid chum báis é;
achd éiréochuidh sé a rís an treas lá.
35 Agus tangadar Séumas & Eóin,
mic Shebedé, chuige, ag rádh, A mhaighisdir, is si ar dtoil go ndéantá dhúinn
gidh bé ní iarrfam ort.
36 Achd a dubhairt seisean ríu, Créd
as áill libh misi do dhèunamh dhibh?
37 Agus a dubhradarsan ris, Aontaigh
dháinn go suidhfigh fear aguinn ar
do láimh dheis, & fear eile ar do
láimh chli, ad ghlóir féin.
38 Achd a dubhairt Jósa ríu, Ni
fios dáoibh créd iartháoi. A néidir
libh an cupán ibhimsi, dól, & bhur
mbaisdeadh leis an mbaisdeadh, lé a
mbaisdear misi?
39 Agus a dubhradarsan ris, Is éidir.
Achd a dubhairt Jósa ríu, Go deimhin
an cupán ibhimsi iobhtháoisi é: &
an baisdeadh lé a mbaisdear misi,
baisdfithear sibhsi leis:
40 Achd suidhe ar mo láimh dheis,
& ar mo láimh chli, ní leamsa a thabhairt úaim, achd don dream dar
hullmhuigheadh é.
41 Agus an tan do chúaladar an
deichneabhar [so,] do thionnsgnadar
míchéadfaidh do dhéunamh ar Shéumas
agus air Eóin.
42 Agus ar na ngairm chuige Díosa,
a dubhairt sé ríu: A tá a fhios aguibh
an mhuinntir agá bhfuil cumhachda
ar na cineadhachaibh, go bhfuil Tighearnus aca orrtha: & go mbid a
ndáoine mórá, tréun orrtha.
43 Achd cheana ní mar sin bhías sé
eadruibhsi: achd gidh bé lé nab mian
bheith na dhuine mhór bhur measgsa,
biaidh sé na óglach aguibh:
44 Agus gidh bé aguibh lé nab
mian bheith a dtolach, bíodh sé na
sheirbhíseach ag cách uile.
45 Oír ní tháinic mac an duine ionnas go ndéantuigh seirbhís dó, achd do
dhéanamh seirbhísi, & do thabhairt
anma féin mar éiric ar son mhóráin.
46 Agus tangadar go Jericó: agus
ar nimtheachd dósan & dá dheisciobluibh, & do bhuidhin mhóir as Jericó, do shuidh an dall Bartiméus, mac
Thiméus, ar a tslighe ag iarruidh
déirce.
47 Agus an tan do chúaluidh sé gur
be Iósa Nasardha do bhí ann, do
thionnsgain sé éighmhe, & a rádh, A
Iósa mhic Daibhí, déana trócaire orum.
48 Agus do imdheargadar mórán é,
do chum go mbiadh sé na thochd: achd
is móide do éighmheadh seision sin, A
mhic Dhaibhí, déuna trócaire oram.
49 Agus ar seasamh Díosa a dubhairt
sé, eisean do ghairm chuige. Agus do
ghoireadarsan an dall, dá rádh ris,
Bíodh dóchas maith agad, éirigh: a
tá sé dod ghairm.
50 Agus ar dteilgean a bhruit úadh
dhósan, do éirigh sé; agus táinic sé
chum Iósa.
51 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ris, Créud is mian leachd misi
do dhéunamh dhuit? achd a dubhairt
an dall ris, A mhaighisdir, mo radharc
aiseag dhamh.
52 Agus a dubhairt Jósa ris, Imthigh,
do shlánuigh do chreideamh thú. Agus
ar an mball fúair sé a radharc, agus
do lean sé Jósa sa tslighe.

C A I B. XI.

Do Chothuigh & seag Críosd an teampal,
20 & labhair sé um neart an Chreidimh.

AGus an tan tangadar a bhfogus do
Ierusaleim, go Betpháge agus
go

go Betánia go ſlíabh na Noluidheadh, do
chuir ſé días dá dheiſciobluidh úadh,
2 Agus a dubhairt ſé ríu, Imthighidh
don bhaile úd thall as bhur gcomhair.
Agus mar ráchtáoi a ſdeach ann, do
gheabhtháoi ſearrach ceanguilte, ar nár
ſhuidh énduine ríamh: ſgáoilidh é agus
tabhruidh libh é.
3 Agus má deir éinneach ribh, Créud
ſi ndéantáoi ſo? abruidh, go bhfuil a
riachdanus ar an Dtighearna: & cuir-
fidh ſe úadh ann ſo ar ball é.
4 Achd do imthigheadarſan, agus fúa-
radar an ſearrach ceangailte ag an dorus
don táoibh a muigh a ccomhrug dhá
ſhligheadh: & do ſgáoileadar é.
5 Agus a dubhradar dream áirighthe
don mhuinntir do bhí na ſeaſamh ann
ſin riú, Créd do níthí ag ſgáoileádh an
tſearruigh?
6 Achd a dubhradarſan riú, mar do
aithin Jósa: agus do leigeadar úatha
iad.
7 Agus tugadarſan an ſearrach chum
Jósa agus do theilgeadar a mbruit air,
agus do ſhuidh ſé air.
8 Agus do leathnuigheadar mórán a
mbruit ar a tſlighe, & do ghearradar
drong eile géuga do na crannuibh, & do
chraitheadar ar a tſlighe [íad.]
9 Agus an luchd do bhí rompa, &
na ndiaigh, do éighmheadar ag rádh,
Hoſanna, is beannaighthe an té thig a
nainm an Tighearna.
10 Is beannuighthe ríoghachd ar
nathar Dáibhí, thig a nainm an Tighear-
na: Hoſanna ann ſna hárdaibh.
11 Agus do chúaidh Jósa a ſdeach go
Hiaruſaléim, agus don teampoll: agus ar
bhféachain na thimcheall ar gach én ní
dhó, ar mbeith don tráth nóna ann,
do chúaidh ſe a mach go Betánia maille
ris an dá fhear dhéug.
12 Agus an lá na dhiáigh ſin, an tan
do chúadar a mach as Betánia, do
ghabh ocrus é.
13 Agus an tan do chonnairc ſé
crann fíge a bhfad úadh ar a raibh
duilleabhar, táinic ſé dhá fhéuchain an
bhfuigheadh ſé éin ní air: agus an tan
tháinic ſé chuige, ní bhfúair ſe éin ní
achd na duilléoga: óir nír bhí aimſir
na bhfigidhe í.
14 Agus ar bhfreagra Díoſa, a du-
bhairt ſé ris an gcrann fíge, O ſo ſúas
nár ithe duine ar bith toradh dhíot go
bráth, agus do chúaladar a dheiſcio-
bail [é.]
15 Agus tangadar go Híaruſaléim:
agus ar ndul a ſdeach don teampoll Dío-
ſa, do thionnſgain ſé an dream do bhí
ag reic, agus ag ceannach ann ſa team-
poll da chur a mach, agus do theilg
ſé air lár buird luchd malarta an airgid,
& caithireacha luchd reaca na gcolum.
16 Agus ní fhuilngeadh ſé go niom-
choradh duine ar bith ſoightheach thríd
a teampoll.
17 Agus tug ſé teagasg úadh, ag rádh
riú, An né nach bhfuil ſgríobhtha, go
ngoirfithear tigh úrnuighthe dom thigh-
ſe, ag na huile chineadhachuibh? achd do
rinneabhairſi tuinidhe bhiothamhnach
dhé.
18 Agus do chúaladar na ſgríobuidhe,
& úachdaráin na ſagart [ſo,] agus do
bhádar ag íarruidh cionnus do mhillfidís
é: Oir do bhí eagla orrtha, do bhrígh
go raibh iongantas ag an tſlúagh uile an
a theagaſg.
19 Agus an tan tháinic an tráth-
nóna, do chúaidh ſé a mach as an
gcathruigh.
20 Agus ag gabháil thairis ar maidin
dóibh, do chonncadar an crann fíge
ar ná chríonadh as a fhréumhach.
21 Agus ar gcuimhniughadh do Phea-
dar, a dubhairt ſé ris, A mhaighiſdir,
féuch, an crann fíge úd do mhalluigh
tú, a tá ſé ar gcríonadh.
22 Agus ar bhfreagra Díoſa a dubhairt
ſé riú, Bíodh creideamh Dé aguibh.
23 Oir go fírinneach a deirimſi ribh,
Gidh bé neach a déura ris an ſlíabh ſo,
Tóghthar thú, agus teilgthear ann ſa
bhfairge thú: agus nách bía cunntabhairt
aige an a chroidhe, achd go gcreide ſé
go dtiucfaid na neithe a deir ſé, chum
crìche, teigéamhaidh dhó gach ní a
déura ſé.
24 Ar a nadhbharſoin a deirim ribh,
Gidh bé ní íarrhtáoi an tan do níthí úr-
nuighthe, creididh go bhfuighthí: agus
do ghéubhtháoi é.
25 Agus an tan bhéithí bhur ſeaſamh
ag déanamh úrnuighthe, maithidh má tá
ní ar bith aguibh a naghuidh áonduine:
ionnas go maithfeadh bhur nathairſi a
tá air néamh, bhur ccionta féin dhaoibh-
ſi mar an gcéudna.
26 Oir muna maithtiſi, ní mhaithfi
bhur nathair a tá air neamh bhur ccionta
féin dhibhſi.
27 Agus tangadar a rís go Hiaruſa-
léim: agus ar mbeith ag ſiobhal ſa
teampoll dóſan, tangadar úachdaráin
na ſagart, agus na ſgríobuidhe, agus na
ſinnſir chuige:
28 Agus a deirid ris, Créd é an túgh-
darrás lé a ndéunann tuſa na neitheſi?
& cia thug na cumhachda ſo dhuit, do
chum na neitheadh ſo do dhéunamh?
29 Achd ar bhfreagra Díoſa a dubh-
airt ſé ríu, Fiafróchaidh miſi éin ní a
mháin díbhſi, & tabhruidh freagra oram,
& innéoſaidh mé dhibh cia an tughdar-
rás lé a ndéunuim na neithe ſo?
30 An ó neamh tháinic baiſdeadh Eóin
nó ó dhaoinibh? tabhruidh freagra orum.
31 Agus do bhádarſan ag dioſoóireachd
eatarra féin, ag rádh, Má deirmid ó
neamh: a déura ſé, Ar a nadhbharſin
créd fá nár chréideabhairſi dhó?
32 Achd má deirmid, O dhaoinibh: a
tá eagla an phobuil oruinn: oir do bé
a meas uile ar Eóin, gur bhfáidh é
go fírinneach.

33 Agus ar bhfreagra dhóibhsion a dubhradar re Hiosa, Ní bhfuil a fhios againn. Agus ar bhfreagra Díosa, a dubhairt sé riú, Ní mó innéosus misi dhibhsi cia an tughadarrás lé a ndéunaim na neithe so.

C A I B. XII.

Gu tteilgthear na Hiuduighe, mur sgolaguibh mio-choinghiollach, sanntach, fuilteach.

AGus do thionnsgain sé labhairt riú a gcosamhlachdaibh, ag rádh: Do chuir duine áirighthe fíneamhuin, agus do chuir sé fál na timcheall, agus do thochuil sé ionad brúighte an fhióna, agus do thóg sé tor, agus tug sé ar chiós do sgológaibh í; agus do chúaidh sé féin a gcoigcrich.

2 Agus do chuir sé searbhfhoghantuidhe chum na sgológ na am [féin,] do chum go bhfuigheadh sé ní do thoradh na fíneamhna ó na sgológuibh.

3 Achd ar mbreith air dhóibhsean do bhuaileadar agus do leigeadar úatha folumh é.

4 Agus a rís do chuir sé chuca searbhfhoghantuighe eile: agus ar ngabháil do clochaibh ar an bhfearsoin, do bhriseadar a cheann, agus do chuireadar úatha fá mhiomhodh é.

5 Agus a rís do chuir sé neach eile chuca: agus do mharbhadar an fearsin: agus mórán eile, ag buáladh coda aca, agus ag marbhadh coda eile.

6 Achd do bhí aige fós éun mhac a mháin ionmhuin, agus do chuir sé eisean chuca fá dheireadh, ag rádh, Do bhéuraid síad onóir dom mhac.

7 Achd a dubhradar na sgológa eatorra féin, Is é so an toidhre: tigidh, marbhum é, agus budh linn féin an oidhreachd.

8 Agus ar mbreith air do mharbhadar é, agus do theilgeadar as an bhfíneamhain a mach é.

9 Ar a nadhbharsin créud do dhéana Tighearna na fíneamhna? tiocfaidh sé, & sgriosfuidh sé na sgológa, & do bhéura sé an fhíneamhuin do dhaoinibh eile.

10 An né nár léughabhair an sgriobtúir so? An chloch do dhiultadar na sáoir, is í atá air na déanamh na ceann sa chúainne.

11 Is é an Tighearna do rinne so, agus is iongnadh é ann ar súilibhne.

12 Agus do iarradarsan breith air, achd do bhí eagla an phobail orrtha: óir do thuigeadar gur ab na naghaidh féin a dubhairt sé an chosamhlachd soin, & ar na fhagbhail do imthigheadar rompa.

13 Agus do chuireadar chuige dream áirighe do na Phairisíneachuibh, agus do mhuintir Iorúaith, do chum go ngreamóchaidís é an a chainnt.

14 Agus an tan tháinic síad á dubhradar ris, A mhaighisdir, a tá a fhios aguinne go bhfuil tusa fírinneach, agus nach bhfuil cás agad a náonduine: óir ní fhéuchann tú ar phearsuinn na ndáoine, achd múinidh tú slighe Dé do réir na fírinne: An ceaduigheach cíos do thabhairt do Shéasar, nó gan a thabhairt? an dtiubhrum, no nach dtiubhrum?

15 Agus ar naithne a cceilge dhósan, a dubhairt sé riú, Créd fá ccurtháoi cathughadh oram? Tabhruidh chugam pighinn dá féuchain.

16 Agus tugadarsan [sin] léo. Agus a dubhairt seision riú, Cía dár ab iomháigh so, agus cía ré a mbeanann an sgríbheann? agus a dubhradar ris, Ré Séasar.

17 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, Tabhraidh do Shéasar, na neithe is lé Séasar, agus do Dhía, na neithe is lé Dia. Agus do biongnadh léo é.

18 Agus tangadar na Saduicínigh chuige, a deir nách bhfuil eiséirghe ann: agus do fhiafruigheadur dhe ag rádh,

19 A mhaighisdir do sgríobh Máoisi dhuinn, dá bhfaghadh dearbhráthair dhuine ar bith bás, & go bhfúigfeadh sé a bhean, & nach bhfúigfeadh sé clann, a dhearbhráthair do ghabháil a mhná súd chuige, do thógbháil sleachda dhá dhearbhráthair.

20 Do bhádar móirsheisior dearbhbhráthar ann: & tug an cédfhear dhíobh bean, & ar bhfagháil báis dó, nír fhág sé sliochd.

21 Agus do ghabh an dara fear chuige í, agus fúair sé bás, & níor fhág seision fós sliochd: & an treas fear mar an gcéudna.

22 Agus tugadar an móirsheisear í, & nír fhagbhadar sliochd: & tair éis cháich uile fúair an bhean bás mar an gcéadna.

23 Ar a nadhbharsin ann sa neiséirghe, an tan do dhéunuid eiséirghe, cía aca dá madh bean í? óir do bhí sí ag an móirsheisior na mnáoi.

24 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé riú; Nach uime so a tá sibh ar seachrán, tré nách bhfuil éolus na sgriobtúirigh aguibh, na chumhachd Dé?

25 Oir an tan éiréochuid síad ó mharbhuibh, ní tabhruid fir mná, & ní tabharthar mná dfearuibh: achd a táid mar na hainglibh a tá ar neamh.

26 Achd a dtimcheall na marbh, go néireochuid síad a rís, an né nár léughabhair a leabhar Mháoisi, cionnas do labhair Dia ris ann sa sceich, ag rádh, Is misi Día Abraham, & Día Isaac, & Día Iácob?

27 Ní hé Día na marbh é, achd Día na mbéo: ar a nadhbharsin a tá sibhse ar seachrán go mór.

28 Agus tháinic neach do na Sgriobuidhibh chuca do chúalaidh ag diosbóireachd íad, & mar do chonnairc sé gur maith do fhreagair sé íad, dfiafruigh sé dhe, Cia an chéudaithne do na haitheantuibh uile?

29 Agus do fhreagair Iósa é, gurab í an chéudaithne do na huile aitheantuibh; Eisd a Israél, ar Dtighearna Día, is áon Tighearna é:

30 Ar

30 Ar a nadhbharsin Gráidheóchuidh
tú an Tighearna do Dhia féin, as do
chroidhe uile, agus as thanum uile, agus
as thintinn uile, agus as do bhrígh uile:
ag so an chéudaithne.
31 Agus is cósmhuil ria so an dara
háithne; Gráidhéochuidh tú do chomhar-
sa mar thú féin: ni bhfuil áithne eile
ann, is mó ná iad so.
32 Agus a dubhairt an Sgriobuidhe ris,
Is maith, a mhaighisdir, a dubhairt tú
an fhírinne: as éin Día a tá ann, agus
ní bhfuil atharrach ann achd é féin:
33 Agus a ghrádhughadh as a gcroidhe
uile, agus as a tuigsin uile, agus as a na-
nam uile, agus as a mbrígh uile: agus
an chomharsa do ghrádhughadh mar é
féin, is mó sin ná na huile íodhbartha
agus ofráil.
34 Agus an tan do chonnairc Iósa gur
thuigseach do fhreagair sé, a dubhairt sé
ris, Ni fada ó fhlaitheas Dé atá tú. Agus
níor lamh éinneach ó sin súas ceisd do
chur air.
35 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt
sé, ag teagasg ann sa teampoll; Cionnas
a deirid na Sgriobuidhe gur ab é Criosd
mac Dháibhi?
36 Oir a dubhairt Dáibhi féin tríd an
Spiorad náomh; A dubhairt an Tighear-
na rém Thighearnasa, Suidh ar mo láimh
dheis, no go gcuire mé do námhaid na
stól fad chosuibh.
37 Ar a nadhbharsin goiridh Dáibhí
féin a Thighearna dhe: agus cionnas a
tá sé na mhac aige? agus do éisd cui-
deachda mhór go fonnmhar ris.
38 Agus a dubhairt sé ríu an a thea-
gasg; Coimhéuduidh sibh ó na Sgriobui-
dhibh lé nab ionmhuin siobhal a gcula-
idhibh fada, agus fáiltighe dfagháil ar
na margaidhibh:
39 Agus na céud ionuid suidhe ann sna
Sionagógaibh, agus tús suidhe súas ar na
féasdaighibh.
40 Noch shluigeas tighe na mbain-
treabhach, agus sin fós ar sgáth bheith
go fada ag úrnuighe: do gheubhuid so
an breitheamhnus is truime.
41 Agus an tan do shuidh Iósa as co-
mhair ionad coimhéuda an chisde, tug
sé dhá aire cionnas do chuireadh an
pobal ionmhuis ann, & do chuireadar mó-
rán do dhaoinibh saidhbhre mórán ann.
42 Agus ar dteachd do bhaintreabhaigh
bhochd áirighe, do theilg sí ann dhá
phiosa bheaga do ní feóirlinn.
43 Agus ar ngairm a dheisciobal dó,
a dubhairt sé ríu, Go fírinneach a dei-
rimsi ribh, gur ab mó do chuir an
bhaintreabhach bhochd so ann sa chisde,
ná cách uile do chuir ni ann.
44 Oir is don ní do bhí diomarcaigh
aca do chuireadarsan uile ann: do chuir
so ann dhá dáibhreas féin, a ráibh aice,
[adhon] a beatha féin uile.

CAIB. XIII.

Is fogbair, scrios Ierusalem, 24 *ar dheire an domhain.*

AGus an tan do chuáidh sé a mach
as a tteampoll, a dubhairt neach
dhá dheisciobluibh féin ris, A mhaighis-
dir, Féuch créd é an sórt clochsa, agus
créd é an sórt fairgnithe so.
2 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt
sé ris, An bhfaiceann tú na hoibreacha
mórasa? ní fúicfidhear cloch ar muin
chloiche [dhiobhso,] nách sgarfuidhear
ó chéile.
3 Agus ar mbeith na shuidhe dhó ar
shliabh na Noluigheadh, as comhair an
teampuill, do fhiafruigh Peadar, agus
Séumas, agus Eóin, agus Aindrias ós
íseall de,
4 Innis dúinne gá tráth theigéumhuid
na neithe so, agus créd é an comhar-
tha bhias an tan chríochnóchthar na
neithe so uile.
5 Agus ag freagra dhóibh, do thionn-
sgain Iósa a rádh, Tabhruidh dá
bhur naire nach meallfuidh éinneach
sibh.
6 Oir tiucfuid mórán am ainmsi, ag
rádh, Gur misi é; agus meallfuid mó-
rán.
7 Achd an tan do chluinfidhe coguidh,
agus túarasgbhála cogthadh, ná biodh
trioblòid oruibh: óir is éigin iad so do
theachd. Achd ní deireadh é fós.
8 Oir éiréochuidh cineadh a naghaidh
cinidh, agus ríoghachd a naghaidh río-
ghachda: agus biaidh crith talmhan a
nionaduibh iomdha, agus biaidh gorta
& buáidhreadh ann: ag so tosach amh-
gar.
9 Achd tabhruidhsi bhur naire ribh
féin: óir béuruid siad sibh a láthair
oireachdas agus coimhthionól: sgúirs-
fuidhear sibh, agus béarthar sibh a bhfia-
dhnuisi úachdarán, agus ríogh ar mo
shonsa, mar fhiadhnuisi dhóibh.
10 Agus is éigin an soisgéul do
sheanmóir do na huile chineadhachuibh
ar tús.
11 Agus an tan bhéuruid siad a láimh
sibh, na biodh na ro-chás oruibh roimhe
láimh créd a déurtháoi, agus ná smúainidh
air: achd gidh bé ní do bhéarthar ar
a núairsin dibh, abruidh é. Oir ní sibhsi
labhrus, achd an Spiorad náomh.
12 Achd cheana do bhéura an dear-
bhráthair an dearbhráthair [éile] chum
báis, agus an tathair an mac: agus éir-
eochuid an chlann a naghaidh a naith-
reach agus a maithreach, agus cuirfid
chum báis iad.
13 Agus biaidh fúath ag gach uile
dhuine dháoibh ar son mhanmasa: achd
gidh bé ansus go búan go deireadh, as
é shláinéochar.
14 Achd an tan do chifidhe adhúath-
mhuireachd an léirsgris, air ar labhair
Daniel an fáidh, na sheasamh ann sa nio-
nad nár chóir, (tuigeadh an té léaghas)
ann sin teitheadh a mbiaidh a ttír Iu-
daighe, fá na sléibhtibh:
15 Achd an té bhias air mhullach an

tighe, na tigeadh sé a núas ann a thighe, & na himigheadh sé a sdeach do thógbháil neithe ar bith as a thigh.
16 Agus an té bhías ar an machaire, ná casadh sé tar a ais, do thógbháil a éuduigh:
17 Achd budh trúagh do na mnáibh torrcha agas do na mnáibh do bhéura cíocha úatha ann sna laéthibh sin.
18 Achd guidhidhsi gan bhar dteitheadh do bheith ann sa gheimhreadh.
19 Oír biáidh annsna laéthibhsin amhgar, amhail nach raibh a leithéid ann ó thús cruthaighe na neitheadh do chruthaigh Día, go soithe so, agus nách bia [go bráth.]
20 Agus muna ngearruigheadh an Tighearna na laéthe úd, ní rachadh éin fhéoil as: achd ar son na ndáoine toghtha, do thogh sé, do ghearraidh sé na laéthe úd.
21 Agus ann sin dá nabra neach ar bith ribh, Féuch, [a tá] Críosd ann so, nó, féuch, [a tá sé] ann súd, na creididh [é.]
22 Oír éiréochuid Críosdanna fallsa, agus faidhe fallsa: agus do dhéunuid comharthuidhe agus míorbhuile, do mhealladh na ndáoine toghtha féin, dá madh éidir é.
23 Achd tabhruidhsi bhar naire ribh: féuch, dinnis mé dhibh gach uile ní roimh a naimsir.
24 Achd ann sna laéthibhsin, tar éis a námhghair úd, dorchóchthar an ghrían, agus ní thiobhra an ghealach a soillsi féin úaithe.
25 Agus tuitfid réultanna neimhe, & béid na cumhachda a tá ann sna neamhdhaibh ar crith.
26 Agus ann sin do chífid siad mac an duine ag teachd ann sna néulluibh maille ré cumhachaibh móra, agus ré glóir.
27 Agus cuirfidh sé a aingil an tansoin, agus cruinnéochuidh sé a dháoine toghtha féin ó na ceithre gáothaibh, ó leithimeal na talmhan go leithimeal neimhe.
28 Agus foghlomuidh cosamhlachd ón chrann fige: an tráth bhíos a ghéag míoth, & fhásas a dhuilleabhar, a tá a fhios agaibh gur ab fogus an samhradh:
29 Agus mar an gcéudna sibhsi, an tan do chífidhe na neithesi ar na ndéanamh, bíodh a fhios agaibh go bhfuil sé a ngar dhaoibh, ann sna doirsibh.
30 A deirimsi ribh go firinneach, nach racha an dinesi thoruinn, nó go ndéuntar na neithesi uile.
31 Rachuidh neamh agus talamh thort, achd ní rachaid mo bhríathrasa thort go bráth.
32 Achd ní bhfuil fios an láoi úd, ná na húaire ag neach ar bith, ná fós ag na haingliбh a tá ar neamh, ná ag an mac, achd ag a nathair.
33 Féuchuidh, déanuidh faire agus urnuighe: oír ní bhfuil a fhios agaibh gá tráth thiocfas a naimsir úd.
34 Amhail duine ag dul a gcoigcrích, dfág a thigh, agus tug cumhachda dhá shearbhfhóghantuibh, agus a obair féin do gach áonduine, agus do aithin dá dhoirséoir faire do dhéanamh.
35 Ar a nadhbharsin déanuidhsi faire: (oír ní bhfuil a fhios aguibh gá ham thiocfas fear an tighe, an tráth nóna, nó a meadhòn oidhche, nó a ngairm an choiligh, nó air maidin.)
36 Deagla ar dteachd go hobann dó go bhfuigheadh sé sibhsi bhar gcodladh.
37 Agus na neithe a deirim ribhsi, a deirím ré a nuile dhuine iád; Déunuidh faire.

CAIB. XIV.

Comh-chogar dháoine anaghaidh mhac Dé.

AGus a gcionn dá lá na dhiáigh sin, do bhí an Cháisg agus sollamuin a naráin gan laibhín ann: agus díarradar úachdaráin na sagart agus na Sgríobuidhe, cionnas do bhéuraidís a bfeill airsean, do chum a mharbhtha.
2 Achd a dubhradar, Ná [déanam é] sa tsollamuin, ar eagla go néiréochadh búaidhreadh a measg an phobuil.
3 Agus ar mbeith dhó a Mbetánia, a dtigh Shimóin an lobhair, ar súidhe dhó ar an mbord, táinic bean agá raibh bexa ola, do spícnárd mhórlúaighe: agus ar mbriseadh an bhoxa dhi, do dhóirt sí ar a cheann é.
4 Agus do rinneadar dream aca míchéadfuidh an a ninntinn féin, agus a dubhradar, Créud fá ndéantar an diombhailsi air a nola?
5 Oír do béidir so do reic ar ní fa mhó ná trí chéd pighin, agus a thabhairt do na bochdaibh. Agus do bhádar rodhiomdhach dhi.
6 Agus a dubhairt Jósa, Léigidh dhi: créd fá gcuirthí búaidhreadh uirrthe? do rinne sí obair mhaith oramsa.
7 Oír a táid boichd bhar bhfochair do ghnáth, agus gidh bé huair bhus toil libh, is éidir dháoibh maith do dhéanamh dhóibh: achd ní bhía misi do ghnáth agaibh.
8 A ní dob éidir lé, do rinne sí [é:] tháinic sí roimhe láimh dungadh mo chuirpsi chum a adhluice.
9 A deirimsi ribh go firinneach, Gidh bé ar bith ball ar feadh an domhain uile an a ndéantar an soisgéulsa do sheanmóir, go ninnéosdar an nísi do rinne sisi leis, mar chuimhne uirrthe.
10 Agus dimthigh Júdas Iscáriot, áon don dá fhear dhég, chum úachdarán na sagart, ionnas go mbraithfeadh sé é-sean dóibh.
11 Agus ar na chluinsin [sin] dóibhsean, do ghabh gáirdeachus iad: agus do ghealladar go dtiobhraidís airgead dó: agus do iarr seision am iomchabhaidh ar a bhrath dhóibh.

12 Agus an céad lá do ſhollamain
a naráin gan laibhín, an tan do ghná-
thaighdís an [túan] Cáſg do mhar-
badh, a dubhradar a dheiſciobail ris,
Gá háit ar toil leachd ſinne do dhul
d'ullmhughadh, do chum go níoſdá [úan]
na Cáſg?
13 Agus do chuir ſé días dá dheiſ-
ciobluibh, agus a dubhairt ſé riú: Im-
thighidh don chathraigh, agus téigea-
mhaidh neach oraibh ag iomchar ſoi-
thigh uiſge: leanaidh é:
14 Agus gidh bé ar bith tigh a racha
ſé a ſdeach, abraidh ré ſear an tighe,
go nabair an maighiſdir, Cáit a bhfuil
an ſeomra an a níoſa mé an [túan] Cáſg,
a bhfochair mo dheiſciobal?
15 Agus taisbéanuidh ſeiſion dhíbh
ſeomra árd, fairſing, deaghmhaiſeach,
ullamh: ullmhuighidh é dhúinn ann ſin.
16 Agus do imthigheadar a dheiſcio-
bail, agus tangadar don chathraigh,
agus fúaradar mar a dubhairt ſeiſion
riú: agus do ullmhuigheadar an
Cháiſg.
17 Agus ar dteachd don tráth nóna,
tháinic ſeiſion maille ris an dá fhear
dhéug.
18 Agus an tan do ſhuidheadar agus
do chaitheadar bíadh, a dubhairt Ióſa,
A deirim ribh go fírinneach, go
mbraithfi fear dhíbh miſi, noch a tá ag
ithe [bídh] am fhochair.
19 Agus do thionnſgnadarſan bheith
go dubhach, agus ag rádh ris a ndiaigh
a chéile, An miſi é? agus fear eile, An
miſi é?
20 Agus ar bhfreagra dhóſan, a du-
bhairt ſé riú, Is fear don dá fhear dhéug
é, thumas maráon riumſa ſa méis.
21 A tá mac an duine ag imtheachd
go fírinneach, mar a tá ſgríobhtha air:
achd is anáoibhinn don fhear úd lé a
mbraithtear mac an duine: do bfearr do
nfearſin nách beirthí é ríamh.
22 Agus ar mbeith ag caitheamh
bídh dhóibhſean, do ghlac Jóſa arán,
agus tar éis a bheannaighthe, do bhris
ſé, agus tug ſé dhóibhſean é, agus a du-
bhairt ſé: Glacaidh, ithidh: is ſé ſo
mo chorpſa.
23 Agus ar nglacadh an chopáin
dó, an tan rug ſé buidheachus, tug
ſé dhóibhſion é, agus do ibheadar
uile as.
24 Agus a dubhairt ſé riu, Ag ſo
mfuilſi na Tiomna núaidhe, dhóirtear
air ſon mhóráin.
25 A deirim ribh go fírinneach, nach
ibha mé feaſda do thoradh na fíneamh-
na go nuige an lá úd an a níobha mé
nuá é a ríoghachd Dé.
26 Agus an tan do chanadar
ſalm, do chúadar a mach go ſliabh na
Nolaigheadh.
27 Agus a dubhairt Jóſa riú, Do ghéubh-
thaoi uile oilbhéim ionnamſa a nochd:
óir a tá ſgríobhtha, Búailfidh mé
an táodhaire, agus ſpréighfighthear na
cáoirigh.
28 Achd rar éis miſi eiſéirghe, ra-
chaidh mé romhaibhſi don Ghalilé.
29 Achd a dubhairt Peadar ris, Má
gheibhid cách uile oilbhéim [ionnad,]
ní bhfuighe miſi é.
30 Agus a dubhairt Jóſa riſean, A
deirim riot go fírinneach, A niugh, ann
ſa noidhche nochd féin, ní is táoſga ná
ghoirfeas an coileach fá dhó, go ſéanfa
tú mé trí húaire.
31 Achd is móide a dubhairt ſeiſion,
Dá madh éigean damh bás dfulang ad
fhochair, ní ſhéanfa mé thú go bráth: &
a dubhradar cách uile mar an gcéadna.
32 Agus tangadar don ionad dár ab
ainm Gedſémane: ann ſin a dubhairt
ſeiſin ré na dheiſciobluibh, Suidhigh ann
ſo go ndeúna mé urnuighe.
33 Agus rug ſé Peadar agus Séumas,
& Eóin leis: agus do thionnſgain ſé
bheith go critheaglach brónach.
34 Agus a dubhairt ſé riú, A tá mh'a-
nam tuirſeach go dtí an bás: fanaidhſi
ann ſo, agus déanaidh faire.
35 Agus ar nimtheachd roimhe dhó
beagán, do thuit ſé ar talamh: agus do
rinne ſé urnuighe, ionnus dá madh éidir
é, go rachadh an úair thairis.
36 Agus a dubhairt ſé, Abbá, a athair,
a tá gach ní ſoidhéanta dhuitſi: cuir an
cupánſo thoramſa: gidheadh nár ab é
an ní bhus toil leamſa, achd an ní bhus
toil leachdſa.
37 Agus táinic ſé, & fúair ſé iadſan na
gcodladh: & a dubhairt ſé ré Peadar;
A Shimóin, an bhfuil tú ad chódladh? an
né nár béidir leachd faire éan úaire do
dhéunamh?
38 Déunuidh faire agus urnuighe, do
chum nách dteigeamhadh a ccathughadh
ſibh: a tá an ſpiorad ullamh go dei-
mhin, achd a tá an cholann anbhfann.
39 Agus ar nimtheachd úatha a rís, do
rinne ſé urnaighe, ag rádh na mbríathar
gcéudna.
40 Agus ar bhfilleadh dhó, fúair ſé a rís
na gcodladh iad, (óir do bhádar a ſúile
trom) & ní raibh a fhios aca cionnas
do bhéuraidís freagra air.
41 Agus táinic ſé an treas úair, agus
a dubhairt ſé riú, Codluidh a nois agus
comhnuighidh: is lór ſin, tháinic an
úair: féuch, do bheirthear mac an duine
a lámhuibh na bpeacthach.
42 Eirghidh, imthigheam: féuch, is fo-
gus [dúinn] an té bhraitheas miſi.
43 Agus ar an mball, an fead do bhí
ſé ag cainnt, tháinic Iúdas áon don dá
fhear dhéug, & ſlúagh mór na fharradh,
maille ré cloidhmhibh & lé batuidhibh, ó
úachdaránuibh na ſagart, & ó na ſgrío-
buidhibh, & ó na ſinnſioruibh.
44 Agus tug an té do bhraith é comh-
artha dhóibhſean, ag rádh; Gidh bé neach
dhá dtiobhra miſi póg, is é ſin é: beiridh
air, & tabhraidh ibh é go coimhéudach.

45 Agus ar dteachd dhó, do chúaidh
sé air ball chuigesion, agus a dubhairt
sé, Go mbeannuighthear dhuit, a mhai-
ghisdir: agus tug sé póg dhó.
46 Agus do chuir siadsan a lámha
annsan: agus do ghabhadar é.
47 Achd ar dtarrang a chloidhimh a
mach dfior don mhuinntir do sheas a
láthair, do bhúail sé òglach an árdsha-
gairt, agus dó bhean sé a chlúas de.
48 Agus ar bhfreagra Diosa a
dubhairt sé ríu, An dtangabhair a mach
dom ghlacadhsa, amhuil chum biothamh-
naigh, lé cloidhmhibh & lé batuidhibh?
49 Do bhí mé gach éanlá aguibh sa
teampall ag teagasg, agus níor ghla-
cabhuir mé. Achd is éigin na sgriob-
túiridh do choimhlionadh.
50 Agus ar na thréigean san, do
theitheadar [a dheisciobuil] uile.
51 Agus do lean ógánach áirighe é,
agá raibh línéadach ag folach a lóm-
nochdaighe: agus rugadar na hógá-
naigh air.
52 Agus ar bhfagbháil an línéadaigh
dhósan, do theith sé lomnochd úatha.
53 Agus rugadar Jósa léo chum an
árdshagairt: agus do chruinnigheadar
ann sin úachdaráin na sagart uile,
agus na sinnsir, agus na sgriobuidhe.
54 Agus do lean Peadar a bhfad
úadh é nó go raibh sé a sdigh a halla a
nárdshagairt: agus do bhí sé na shuidhe
a bhfhochair na searbhfhoghantaidh-
eadh, agus dá ghoradh ag an teinidh.
55 Agus do bhádar úachdaráin na
sagart agus an chomhairle uile ag íar-
raidh fiadhnuisi a naghaidh Jósa, ionnas
go gcuirfidis chum báis é: agus ní
fhúaradar.
56 Oir do rinneadar mórán dáoine
fiadhnuisi bhréige na aghaidh: achd ní
thangadar a bhfiadnuisidhe lé chéile.
57 Agus déirgheadar dáoine áirighe,
agus do rinneadar fiadhnuisi bhréige na
aghaidh, ag rádh,
58 Do chúalamairne é ag rádh,
Brisfidh mé síos an teampollso déunta
lé lámhaibh, agus a dtrí lá tóigea-
bhaidh mé teampoll eile gan obair
lámh.
59 Achd mar sin féin ní raibh a
bhfiadhnuisi ag teachd lé chéile.
60 Agus ar néirghe na sheasamh a
lár chaich don árdhshagart, do chuir sé
ceisd ar Jósa, ag rádh, An né nach dtabh-
air tú freagra ar bith úait? créd sa
ndéunaid so fiadhnuisi ad aghaidh?
61 Agus do thochd seision, agus
níor fhreagair sé én ni. Do fhiafruigh
an tárdshagart de a rís, agus a
dubhairt sé ris, An tusa Críosd mac
[Dé] bheannuighthe?
62 Agus do fhreagair Iósa, Is mé:
agus do chífidhesi mac an duine na
shuidhe air deis chumhachd [Dé,] agus
ag teachd lé néulluibh neimhe.
63 Agus do réub úachdaran na sa-
gart a éudach, ag rádh, Créd é an
feidhm a tá aguinn ar fhiadhnuisibh
seasda?
64 Do chúalabhair an bhlaisphéime:
créd dó cithear dháoibhsi? agus ruga-
darsan uile breith na aghuidhsean, gur
thuill sé bás.
65 Agus do thionnsgnadar dream
áirighe gabháil do sheilidhibh air, agus
a aghaidh dfolach, agus dórna do
bhúaladh air, agus a rádh ris, Déana
fáidheadóireachd: agus do ghabhadar
na seirbhisigh do bhasuibh air.
66 Agus ar mbeith do Pheadair
ann sa halla shíos, tháinic áon do
chailínibh an árdshagairt:
67 Agus ar bhfaicsin Pheadair dá
ghoradh dhi, tug sí dha haire é, agus
a dubhairt sí, Do bhí tusa fós a
bhfochair Jósa Nazardha.
68 Achd do shéan seisean sin, ag
rádh, Ní thuigim, agus ní bhfuil a fhios
agam créd a deir tú. Agus do chúaidh
sé a mach don phóirsi: agus do ghoir
an coileach.
69 Agus do chonnairc an cailín é a
rís, agus do thionnsgain sí a rádh ris
an druing do bhí na seasamh a láthair,
Is díobh súd an fearso.
70 Agus do shéan seisean a rís.
Agus sá cheann beagáin na dhiaghsin a
rís a dubhradar an mhuinntir do bhí
na seasamh a láthair ré Peadar, Go
fírinneach is díobh súd thusa: óir is
Galiléeach thú, agus is cosmhail hurla-
bhra [ríu.]
71 Achd do thionnsgain seisean mal-
lughadh, agus mionnughadh, Ní haithne
dhamh an duinesi a deirthí.
72 Agus do ghoir an coileach an
dara húair, agus do chuimhnigh Pea-
dar ar a bhfocal a dubhairt Iósa ris, Ní
is táosga na ghoirseas an coileach sá
dhó, séanfuidh tú misi trí húaire: &
ar ndul a leathtáoibh dhó, do ghuil sé.

CAIB. XV.

Fulang, 39 bás, 42 & adhlacadh onórach Jósa Chríosd mhic Dé bhí.

AGus go moch ar maidin ar ndéanamh
comhairle dhóibh, rugadar na hárd-
shagairt, maille ris na sinnsearaibh, &
ris na sgriobuidhibh, agus ris an
gcomhairle uile, Iósa ceangailte léo,
agus tugadar do Phioláit [é.]
2 Agus do fhiafruidh Piláid dhei-
sean, An tusa Rí na Niuduigheadh? &
ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris,
A deir tusa [sin.]
3 Agus do chuireadar úachdaráin na
sagart mórán na aghaidh, achd níor
fhreagair seisean éinni.
4 Agus do fhiafruidh Pioláid dhe a
rís, ag rádh, An né nach dtugann tú
freagra éigin úait? féuch, gá mheid ann
a ndéunaid so fiadhnuisi ad aghaidh.
5 Agus níor fhreagair Iósa ní ar
bith ó shin a mach, ionnas gur ghabh
iongantus Pioláid.

6 Agus

6 Agus ann ſa tſollamain do
ſgaoileadh ſé dhóibh én phríonſúnach a
mhain, gidh bé air bith a diarradáois.
7 Agus do bhí neach áirighe dar
bhainm Barabbas ceangailte a bhfo-
chair a chompánach ceannairce, noch do
rinne marbhadh a gceannairc.
8 Agus ag éighmhe don phobal, do
thionnſgnadar iarruidh air do réir mar
do níodh ſé dhóibh a gcomhnuídhe.
9 Do fhreagair Pioláid dhóibh, ag
rádh, A náill libh go ſgáoilinn dáoibh
Rí na Niúduigheadh?
10 (Oír do bhí a fhios aige gur ab
tré thnúth do thoirbhir úachdaráin na
ſagart é.)
11 Agus do ghlúaiſiodar úachdaráin
na ſagárt an pobal, do chum go madh
tioſga ſgaoilſeadh ſé Barabbás chuca.
12 Achd ar bhfreagra do Phioláid, a
dubhairt ſé riú a rís; Ar a nadhbharſin
créd as áill libh do dhéunamh dhamh ris
an té ſi dá ngoirthí Rí na Niuduigheadh?
13 Agus do éighmheadarſan a rís,
Croch é.
14 Achd a dubhairt Pioláid ríu, Créd
é an tolc do rinne ſé? agus is móide do
ghlaoidheadarſan ſin, Céas é.
15 Agus do bhrígh gur mhían lé Pio-
láid toil an phobail do dhéunamh, do
ſgaoil ſé Barabbás dóibh, agus tar éis
Ioſa do ſgiúrſughadh, tug ſé úadh chum
a chrochda é.
16 Agus rugadar na ſaighdiuiridh a
ſteach don halla é, adhon go cúirt a
náchdaráin, agus do ghoireadar an
chuidéachda uile a bhfochair a chéile:
17 Agus do chuireadar [éadach] pur-
puir uime, agus ag fighe coróna ſpíne
dhóibh, do chuireadar air í:
18 Agus do thionnſgnadar beannughadh
dhó, ag rádh, Go mbeannaighe Día
dhuit, a Rí na Niuduigheadh.
19 Agus do bhúaileadar é an a cheann
lé giolcach, agus do ghabhadar de ſhei-
lidhibh air, agus ar léigean a nglún
ſútha, do rinneadar umhla dhó.
20 Agus an tan do rinneadar foná-
mhad faoi, do bheanadar an [téadach]
purpair dhé, agus do chuireadar a éadui-
ghe féin uime: agus tugadar a mach é,
do chum go gcrochaidis é.
21 Agus do chuireadar dfiachuibh ar
óglach áirighthe do bhí ag gabháil
tháirrſa dar bháinm Simòn Siréanach
(athair Alexander agus Ruphus) tháinic ón
tuaith a muich, a chroch diomchar.
22 Agus rugadar léo é do nionad dar
ab ainm Golgota, is ſé ſin ré na éidir-
mhíniúghadh, Ionad na cloigne.
23 Agus tugadar fíon air ar cui-
meadh mirr, ré na ól, dó: achd níor
ghabh ſeiſean [é.]
24 Agus an tan do chrochadar é,
do roinneadar a éaduighe, air dteilgean
crannchuir orrtha, cred do thóigſeadh
gach neach dhíobh.
25 Agus do bhí an treas úair ann, a-
gus do chrochadar é.
26 Agus do bhí tiodal a choire air
na ſgriobhadh ós a chionn, RI NA
NIUDUIGHEADH.
27 Agus do chrochadar días gaduí-
dheadh na fhochair; fear ar a láimh
dheis, agus fear ar a láimh chlí.
28 Ann ſin do coimhlionadh an ſgriob-
tuir a deir, Agus a meaſg dhaoine
coirtheach do comhaireadh é.
29 Agus an dream do ghabhadh thai-
ris, do bhéirdis aithis dó, ag crathadh a
gceann, agus ag rádh; O a fhir úd
leagas an teampoll, agus thógbhas é a
dtrí laéthibh.
30 Fóir ort féin, agus tárr a núas as
an gcroich.
31 Agus is mar an gcéudna a dubhra-
dar úachdaráin na ſagart agus na ſgrio-
buidhe ré chéile, ag fonámhad faoi, Do
fhóir ſé ar dháoinibh eile, agus ní héidir
leis é féin dfóirighiin.
32 Tigeadh Críoſd Rí Iſraél a núas a
nois as an gcroich, do chum go bhfaic-
fimís, agus go gcréidfimís. Agus na
dáoine do crochadh na fhochair, tu-
gadar aithis dó.
33 Agus an tan tháinic an ſeiſeadh
húair, do bhí dorchadus ar feadh na tal-
mhan uile go ſoithe an náomhadh húair.
24 Agus ann ſa náomhadh húair do
éigh Ioſa do ghuth árd, ag rádh, Eloi,
Eloi, lámá ſabachtáni? a ſe ſin ar na
eidirmhíniughadh, O mo Dhía, mo Dhía,
créd far thréig tú mé?
35 Agus a dubhradar cuid dá raibh
na ſeaſamh a láthair an tan do chúaladar
[ſin,] Féuch a tá ſé gairm Elias.
36 Agus do ríoth fear dhíobh, agus
ar líonadh ſboinc dfínegre dhó, agus ar
na chur a dtimcheall giolcuigh, tug ſé
deoch dhó, ag rádh, Leigidh dhó: féacham
an dtiocfa Elias dá leagadh a núas.
37 Agus ag éighmhe Dhioſa, do ghuth
mhór, do chúaidh a ſpiorad as.
38 Agus do réubadh brat roinnte an
teampuill na dhá chuid, ó úachdar go
híochdar.
39 Agus an tan do chonnairc an Sen-
turion do bhí na ſheaſamh as a chomhair
go ndeachuidh a anam as ag éighmhe
mar ſin, a dubhairt ſé, Go fírinneach
do bé an duine ſo Mac Dé.
40 Agus do bhádar mar an gcéudna
mná a bhfad úadh ag féachain: eidir
a raibh Muire Mhagdalén, agus Muire
mathair Shéumuis bhig agus Ioſes, agus
Salómé:
41 Noch do lean é an tan do bhí
ſé fós ſa Ghalile, agus do bhí ag
miniosdrálachd dó: agus mórán do
mhnáibh eile do chúaidh a néinfheach a
rís ſúas go Hiaruſaléim.
42 Agus a nois ar dteachd don
tráth *nóna*, (do bhrígh gur bhé lá an
ullmhuighthe é, adhón, an lá roimh an
tſabbóid.)

43 Táinic Jóſeph ó Arimatéa, comhair-
leach onòrach, agá raibh fós ſúil ré
ríoghachd Dé, agus do chúaidh ſé a
ſdeach go dána dionnſuighe Phíoláid, a-
gus do íarr ſé corp Jóſa.
44 Agus do biongnadh lé Píoláid go
mbíadh ſé cheana tair éis bháis: agus
do ghoir ſé an Sentúrion, agus do fhía-
fruigh ſé dhe, An fada ó fúair ſé bás.
45 Agus ar bhfagháil fhioſa òn
Sentúrion, do bhronn ſé an corp do
Jóſeph.
46 Agus do cheannuigh [Jóſeph] lín-
éadach, agus do leag ſé a núas é, agus
do chuir ſé an línéadach uime, agus
do chuir ſé é a dtúama do bhí ar na
thochailt a mach as carraig: agus do
ſomluit ſé leac ar dhorus an túama.
47 Agus do bhí Muire Mhagdalén, &
Muire mathair Jóſes ag ſéuchain gá háit
a gcuirfidh é.

CAIB. XVI.

*Eiſeirghe Chríoſd, 12 a thaisbéanadh féin,
19 & a ghabhala ſúas ar neamh.*

AGus ar ndul don tſabbóid thárrſa, do
cheannuigh Muire Mhagdalén agus
Muire mathair Shéumuis, agus Shalóme,
ſpíoſradh deaghbhaluidh, chum go
dtiocfaidis agus go nungfaidís é.
2 Agus tangadar go romhoch ar
maidin an céd lá don tſeachdmhuin chum
an túama, lé héirghe na gréine.
3 Agus a dubhradar eatorra féin, Cía
iompobhas dhúinn an leac ó dhorus an
túama?
4 Agus ar bhféachain dóibh, do chonn-
cadar an chloch ar na hiomlat: óir do
bhí ſi romhór.
5 Agus ar ndul a ſdeach ann ſa túa-
ma dhóibh, do chonncadar ógánach
na ſhuidhe ar a láimh dheis, iomá
raibh éudach glégheall: agus do ghabh
úathbhás íad.
6 Agus a dubhairt ſeiſean ríu, Ná
bíodh eagla oraibh, a táthaói ag íarr-
uidh Jôſa Naſardha do céaſadh: do
éirigh ſé, ní bhfuil ſé ann ſo: féuch a
náit an ar chuireadar é.
7 Achd imthighidh, innisidh dá dheiſ-
ciobluibh, agus do Pheadar, go bhfuil
ſé ag dul romhuibh don Ghalilé: do
chifidhe ann ſin é, mar a dubhairt ſé
ribh.
8 Agus ar nimtheachd dóibhſean a
mach go deithnioſach, do theitheadar ón
túama: óir do bhí críth agus úathbhás
orrtha: agus níor labhradar ní ar bith
ré héinneach: óir do bhí eagla orrtha.
9 Agus ar neiſéirghe Díoſa ar maidin
an céd lá don tſeachdmhuin, do thais-
bén ſé é féin ar tùs do Mhuire Mhag-
dalén, as ar theilg ſé ſeachd ndea-
mhain.
10 Agus ar nimtheachd diſi do fhoill-
ſigh ſi ſin don druing do bhí na fho-
chair ſean, do bhí ag gul agus ag caói.
11 Agus an tan do chúaladarſan ei-
ſean do bheith béo, agus go bhfacuidh
ſiſi é, nír chreideadar.
12 Achd tar éis ſo, do thaisbén
ſeiſean é féin do dhías aca a gcruth eile,
agus íad ag dul ſan dtuáith.
13 Agus do imthigh ſiadſan, agus do
fhoillſigheadar ſin do chuid eile, gidh-
eadh níor chreideadar íadſan fós.
14 Fa dheiridh ar mbeith ar áonbhall
do naóinfhear dég, do thaisbén ſé é féin
dóibh, agus do chuir ſé na naghaidh a
míchreideamh, agus a gcrúas croidhe;
tré nár chreideadar don druing do
chonnairc é ar neiſéirghe.
15 Agus a dubhairt ſé ríu, Imthighidh
ar feadh an domhain uile, déanuidh an
Soiſgéul do ſheanmóir do gach uile chrea-
túir.
16 Gidh bé chreidfeas agus bhaiſdfi-
thear, ſlainéochthar é: achd gidh bé
nach ccreidfi, daiméontar é.
17 Agus leanfuid na comharthuigheſi
an dream do chreidfeas, Sgriosfuid ſiad
deamhuin tré mainmſi: laibhéoruid lé
teangthuibh núadha:
18 Tóigéubhaid naithreacha neimhe;
agus má ibhid ní marbhthach ar bith, ní
ghoirtéocha ſé íad; cuirfid lámha ar na
daóinibh éagcrúaidhe, agus béid ſiad
ſlán.
19 Agus tar éis an Tighearna do la-
bhairt ríu, do gabhadh ſúas ar neamh a
rís é, agus do ſhuidh ſé ar deis Dé.
20 Agus ar ndul a mach dhóibhſean
do rinneadar ſeanmóir ann gach uile
áit, ar mbeith don Tighearna ag comh-
oibriughadh ríu, agus ag tabhairt
brígh dá mbríathruibh, leis na comhar-
thaidhibh do lean íad. Amén.

AN SOISGEUL DO REIR LUCAIS.

CAIB. I.

*Geinéadh Eóin Bhaiſde, 39 le fáigheadoireacht
Eliſabet, 46 Mhuire, 67 & Sacharias.*

DO bhrígh gur ghabhadar mórán
do láimh, ſdair do ſgríobhadh
air na neithibh agá bhfuil a
ſáirfhios aguinne,
2 Do réir mar thugadar na daóine do
chonnairc lé na ſúilibh féin ó thùs, &
do bhí ag miniosdrálachd na bréithre,
dhúinne [íad:]
3 Do chonncas damhſa mar an gcéud-
na, a Theophilus ro oirdheirc, ar bhfa-
gháil feaſa gach uile neithe ó na bhfíor-
thoſach dhamh, a ſgríobhadh chugad-
ſa a nórdughadh.
4 Do chum go mbía deimhin na mbrí-
athar do múineadh dhuit, agad.

5 R'E linn Joruáith Rí thire Júdaighe,
do bhí ſagart áirighe dár bhainm
Sacharías, do ſheal Abía : agus a bhean
dingheanuibh Aaróin, agus Eliſabet do
bhainm dhi.
6 Agus do bhádar a ráon na ndáoi-
nibh ſireanta a bhfiadhnuiſi Dé, ag ſio-
bhal go neimhchiontach ann uile aith-
eantuibh agus órduighthibh an Tighearna.
7 Agus ní raíbh ſliochd orrtha, do
bhrígh go raibh Eliſabet aimrid, agus
go raibh áois mhór aca ar áon.
8 Agus tárla, an tan do bhí ſé ag
déanamh oifige an tſagairt a bhfiadh-
nuiſi Dé, ann a ſheal féin,
9 Do réir ghnáthuighthe oifige an
tſagairt, go ráinic dhó an túis do loſ-
gadh, tar éis dul a ſdeach go team-
poll an Tighearna dhó.
10 Agus do bhí coimhthionól an
phubail uile ag déanamh úrnuighe a
muigh, a naimſir na túiſe.
11 Agus do taidhbhreadh dhó aingeal
an Tighearna, na ſheaſamh ar an
dtáoibh ndeas daltóir da túiſe.
12 Agus ar na fhaicſin do Shacharías
do bhí ſé ar na bhúaidhreadh, agus
do ghlac eagla é.
13 Achd a dubhairt an taingeal ris,
Ní bíodh eagla ort a Shacharías : óir
do héiſdeadh húrnuighe : agus béaruidh
do bhean Eliſábet mac dhuit, agus do
bhéara tú Eóin mar ainm air.
14 Agus budh gáirdeachus agus
lúathgháire dhuit é, agus biaidh lúath-
gháire ar mhóran fá na bhreith.
15 Oir bíaidh ſé na dhuine mhór a
bhfiadhnuiſi an Tighearna, agus ní íobha
ſé fíon ná deoch láidir : agus fós bíaidh
ſé lán don Spiorad náomh ó bhroinn a
mháthar.
16 Agus fillfidh ſé mórán do
chlannuibh Iſraél chum an Tighearna a
Ndía féin.
17 Oir géubhaidh ſeiſean roimheſan
a ſpioraid agus a ſubháilce Elías,
dfilleadh chroidheadh na naithreach
chum na cloinne, agus na neaſumhal
chum gliocuis na ndáoine gcomhthrom :
agus dullmhughadh phobuil dhiongmhála
don Tighearna.
18 Agus a dubhairt Sacharías ris an
aingeal, Cionnas bhías a fhios ſo agam-
ſa ? óir a táim arſuidh, agus a tá áois
mhór ag am mhnáoi.
19 Agus ar bhfreagra don aingeal a
dubhairt ſé ris, Is miſi Gabríel ſheaſas
a bhfiadhnuiſi Dé : agus do cuireadh
mé do labhairt riotſa, agus dinnſin na
núaidheachd maith ſo dhuit.
20 Agus feuch, bíaidh tú gan ur-
labhra, agus ní bá héidir leachd la-
bhairt, go ſoithe an lá an a dtiocſaid na
neithe ſo chum críche : do bhrígh nár
chréid tú dom bhríathraibhſi, noch
coimhlíonfuighear na nam féin.
21 Agus do bhí an pobal ag fúi-
reach ré Sacharías : agus do bhiongnadh
léo a fad do fhan ſé ſa teampoll.
22 Agus ar ndul a mach dhó, nír
bhéidir leis labhairt riú : agus do aith-
nigheadar go bhfacaidh ſé taidhbhſi
ſa teampoll : óir do ſméid ſé orrtha,
agus do fhan ſé balbh.
23 Agus tárla dhó, an tan do
coimhlíonadh laéthe a mhinioſdrálachda,
go ndeachaidh ſé dhá thigh féin.
24 Agus tar éis na laéthesi, do
tiorrcheadh Eliſabet a bheanſan : agus
do fholaigh ſí í féin ar feadh chúig
míos, ag rádh,
25 Oír is mar ſo do rinne an Tigh-
earna rium, ann ſna laethibh an ar
fhéuch ſé oram, do thògbháil mo neimh-
cheana dhíom a meaſg na ndáoine.
26 Agus ann ſa ſeiſiodh mí, do cui-
readh an taingeal Gabríel ó Dhía,
go cathruigh don Ghalilé dár ainm
Náſaret,
27 Dionnſuighe óighe ar a raibh ceart
ag fear do thigh Dháibhí, dár ainm
Joſeph : agus do bé do bainm do nóigh,
Muire.
28 Agus ar ndul a ſdeach dá hionn-
ſuighe do naingeal, a dubhairt ſe : Día
do bheatha [a ógh] roghráſamhuil : a tá
an Tighearna maille riot : is bean-
nuighe thú eidir na mnáibh.
29 Agus an tan do chonnáirc ſí é,
do bhí ſí ar na búaidhreadh fá na
bhríathraibh : agus do bhí ſí ag ſmúai-
neadh créd an ghné bheannughtheaſo.
30 Agus a dubhairt an taingeal ría,
Ná bíodh eagla ort, a Mhuire : óir fúair
tú gráſa ó Dhía.
31 Agus féuch, bíaidh tú torrach,
agus béaraidh tú mac : agus do bhéara
tú Jóſa daionm air.
32 Bíaidh ſé na dhuine mhór, agus
goirfidhear Mac an té is Airde dhe,
agus do bhéura an Tighearna Día caithír
Dháibhí athar féin dó.
33 Agus bíaidh ſé na rígh ar thigh
Jácob go bráth, agus ní bhia deireadh
ar a ríoghachd.
34 Agus a dubhairt Muire ris a naing-
geal : Cionnus bhías ſo, óir ní bhfuil
fios fir agamſa.
35 Agus ar bhfreagra do naingeal a
dubhairt ſé ría, Tuirléonguidh an Spiorad
náomh ort, & foiléochaidh cumhachda
an té as airde thú : uime ſin an ní náomh-
tha bhéaras tú, goirfighear Mac Dé dhe.
36 Agus féuch, Eliſabet do bhan-chara, a
tá ſiſi leis torrach air mhac ann a hárr-
ſuigheachd ; & is ſé ſo an ſeiſiodh mí dom
mhnáoi úd dá ngoirthear [bean] aimrid.
37 Oir ní bhia ní ar bith doidhéunta
do Dhía.
38 Agus a dubhairt Muire, Féuch,
banóglach an Tighearna, teagmhadh
dhamhſa do réir do bhréithriſi ; agus
do imthigh an taingeal uaithe.
39 Agus an tan do éirigh Muire ann
ſna laéthibh ſin, do chúaidh ſí go dhéith-
neaſach chois ſléibhe go cathraigh Júda.

40 Agus do chúaidh si a steach go
tigh Shacharías, agus do bheannaigh si
Délisabet.
41 Agus tárla mar do chúalaidh
Elisabet beannughadh Mhuire, gur
bhiog an náoidheanán ann a broinn:
agus do bhí Elisabet air na líonadh
don spiorad naomh.
42 Agus do éigh si do ghuth mhór,
agus a dubhairt si; Is beannaighe thú
eidir na mnáibh, agus is beannaighe
toradh do bhronn.
43 Agus cionnus do éirigh so dhamh-
sa, go dtiocfadh matháir mo Thighearna
féin am ghóir.
44 Oir féuch, comhlúath is tháinic
fúaim do bheannaighthe am chlúasaibh,
do bhiog an náoidheanán lé gairdea-
chus ann mo bhroinn.
45 Agus is beannaighe an bhean do
chreid: óir coimhlíonfuidhear na neithe
do gheall an Tighearna dhi.
46 Agus a dubhairt Muire: Adh-
molaidh mhanam an Tighearna.
47 Agus do ní mo spiorad gáirdea-
chus a Ndía mo shlánuightheóir.
48 Do bhrígh gur fhéuch sé ar umhla
a bhanóglaighe féin. Oir féuch, ó so súas
goirfid na huile dhine beannuighthe
dhíom.
49 Oir do rinne an té a tá cumhachd-
ach neithe móra dhamhsa, agus is
náomhtha a ainm:
50 Agus a tá a thrócaire ó dhíne go
dine don dréim ar a bhfuil a eagla.
51 Do rinne sé gníomh láidir lé na
láimh: do spréigh sé na dáoine úaibh-
reacha a smúaintighe a gcroidheadh féin.
52 Do tharruing sé na dáoine cumh-
achdacha as a gcaithíribh, agus do
árduigh sé na dáoine umhla.
53 Do líon sé na dáoine ocracha lé
neithibh maithe, agus do chuir sé úadh
na dáoine saidhbhre folumh.
54 Do thóg sé súas Israél a shearbh-
fhoghantuidhe féin, do chuimhniughadh
ar a thrócaire,
55 (Mar do labhair sé ré ar naith-
reachuibh, Abraham, agus ré na shíol
go bráth.)
56 Agus do fhan Muire na fochair
timcheall thrí míos: agus do fhill si
dhá tigh féin.
57 Agus táinic ionbhuidh Elisabet:
agus rug si mac.
58 Agus do chúaladar a comharsain
agus a dáoine gáoil, gur fhoillsigh an Ti-
ghearna a thrócaire mhór féin di: &
do rinneadar gáirdeachus má ráon ría.
59 Agus tárrla, go dtangadar air a
nochdmhadh lá, do chum go ndéanaidís
an náoidhe do thimcheallghearradh,
agus do ghoireadar Sacharías de, do
réir anma a athair.
60 Achd ar bhfreagra dhá mháthair
a dubhairt si; Ní hamhluidh [bhías:]
achd Eóin goirfidhear dhe.
61 Agus a dubhradar ría, Ní bhfuil éann-
duine dod chineadh dá ngoirthear
an tainmsi.
62 Agus do rinneadar comhartha dhá
athair, créd an tainm bá mían leis do
thabhairt air.
63 Agus ar níarruidh cláir dhósan, do
sgríobh sé, ag rádh, Is Eóin is ainm
dhó; agus do ghabh iongantus iad uile.
64 Agus ar an mball do hosgladh a
bhéulsan, agus a theanga, agus do la-
bhair sé, ag moladh Dé.
65 Agus do ghabh eagla a gcomhar-
suin uile: agus do haithriseadh na neithe
so uile chois tsléibhe thíre Júdaighe uile.
66 Agus gach uile dhuine dhá gcúa-
laidh sin, do chuireadar a dtaisgidh an
a gcroidhthibh féin [iad] ag rádh; Créd
é an sórt leinibh bhías so? agus do bhí
lámh an Tighearna maille ris.
67 Agus do bhí Sacharias athair,
lán don Spiorad náomh: agus do
rinne sé faidheadóireachd ag rádh,
68 Go madh beannaighe an Tighearna
Día Israel, ar son gur fhiosruigh sé,
agus gur fhúasgail sé a phobal féin.
69 Agus do thóg sé súas adharc na
sláinte dhúinne, a dtigh Dháibhi a
shearbhfhoghantuidhe féin.
70 Do réir mar do labhair sé tré
bhéul a fháidheadh náomhtha féin,
do bhí ann ó thús an domháin.
71 Go gcuimhdeóchadh sé sinn ó ar
naimhdibh, agus ó láimh gach uile
dhuine agá bhfuil fúath dhúinn.
72 Go ndéanadh sé trócaire air ar
naithreachuibh, agus go gcuimhnéochadh
sé a thiomna náomhtha féin:
73 Agus ar an mionna lé a dtug
sé móid Dábrahám ar nathairne, go
dtiubhradh sé dhúinn,
74 Go mbéimís gan eagla air ar sío-
radh ó láimh ar námhad, do chum
seirbhísi do déanamh dhó féin,
75 A náomhthachd & a bhfíréantachd
na fhiadhnuisisean, a laéthibh ar
mbeatha uile.
76 Agus tusa a leinibh, goirfithear
díot, Faidh an té as áirde: óir ra-
chuidh tú roimh aghaidh an Tighearna
dullmhughadh a shligheadh.
77 Do thabhairt eóluis na sláinte dá
phobal, tré mhaitheamhnus na bpeacadh.
78 Tré thrócaire ro mhóir ar Ndía
féin, lér fhiosruigh sé sinn ag éirghe ón
[ionad] árd:
79 Do thabhairt soillsi don droing
do bhí na suidhe a ndorchadas, agus
a sgáile an bháis, agus do dhíorghadh
ar gcos a slighe na síothchána.
80 Agus do fhás an leanabh, agus
do neartuigheadh é a spioruid: & do
bhí sé ar na fásuighibh, go soithe an
lá an ar fhoillsigh sé é féin Disraél.

CAIB. II.

Beirthe Chríosd, 13 *moladh na naingil*, 28 & *Shimeoin*, 36 *ré fáigheadóireacht Anna.*

AGus tárla ann sna láethibh sin, go
ndeachuidh áithne ó Shéasar Au-
gustus, an domhan uile do mheas. 2 (Ag

2 (Ag so an céudmheas do rinneadh,
an tan do bhí Sirénius na úachdarán ar
Siria.)
3 Agus do chúadar uile dhá meas,
gach áon fá leith dhá chathruigh féin.
4 Agus do chúaidh Jóseph mar an
gcéudna súas ón Ghalilé, as an gca-
thraigh Nasaret, go tír Júdaighe, go
cathruigh Dhaibhi, dá ngoirthear Bet-
leem, do bhrígh go raibh sé do thigh
agus do shliochd Dáibhi:
5 Ionnus go measfuigh é maille ré
Muire do bhí ar na ceangal ris mar
mhnáoi, ar mbeith dhi torrach.
6 Agus tárla ar mbeith dhóibh ann sin,
go dtangadar laéthe a hionbhuidhsean.
7 Agus rug si mac, a céudduine
cloinne, agus do chuir sí giobuil chean-
gail na thimcheall, agus do chuir sí
na luighe a mainnséur é: do bhrígh
nach raibh ait aca sa tigh ósda.
8 Agus do bhádar áodhairidhe sa
dúithche sin na gcomhnuidhe a muigh, ⁊
ag déanamh faire oidhche ar a dtréd.
9 Agus féuch, do sheas aingeal an
Tighearna láimh léo, agus do shoillsigh
glóir an Tighearna na dtimcheall: ⁊
do ghabh eagla mhór íad.
10 Agus a dubhairt an taingeal riú,
Na bíodh eagla oruibh: óir a táim ag
foisgeulughadh dhíbh an gáirdeachus
mór, noch bhías do gach uile phobal.
11 Oír rugadh an slánuightheóir
dhaoibh a niu (adhon, Críosd an
Tighearna) a geathruigh Dháibhi.
12 Agus ag so comhartha dhíbh; Do
gheubhtháoi an leanabh ceanguilte a
ngiobluibh, na luighe a mainnséur.
13 Agus do bhí go hobann cuideachda
mhór do shlúagh neamhdha a bhfochair
an aingil, ag moladh Dé, ⁊ ag rádh,
14 Glóir do Dhía ann sna hárduibh,
agus siodhchain ar an dtalamh, deagh-
thoil do na dáoinibh.
15 Agus tárla, mar do imthigheadar
na haingil úatha ar neamh, go ndubhra-
dar na háodhairidhe ré chéile, Im-
thigheam don Bhetléem, agus féucham
an ní so do rinneadh, noch do shoill-
sigh an Tighearna dhúinn.
16 Agus tangadar go deithneasach,
agus fuaradar Muire agus Jóseph, agus
an nóidhe na luighe a mainnséur.
17 Agus an tráth do chonncadar
[sin,] do aithriseadar an ní a dubhradh
riú a dtimcheall an leinibhsin.
18 Agus na huile dháoine da gcúaluidh
[so,] do ghabh iongantus íad, fá na nei-
thibh a dubhradar na háodhairidhe riú.
19 Achd do thaisgidh Muire na
briathrasa uile, dá mbreathnughadh ann
a croidhe.
20 Agus do fhilleadar na háodhairidhe
ag tabhairt glóire, ⁊ ag moladh Dé,
tré gach ní dá gcúaladar, agus dá
bhfacadar, mar a dubhradh riú.
21 Agus an tan do coimhlionadh
ochd lá, chum an leinibh do thimcheall-
ghearradh, tugadh Jósa mar ainm air,
adhon, an tainm do ghoir an taingeal
de, suil do geineadh a mbroinn é.
22 Agus an tan do coimhlionadh
laéthe glanta Mhuire do réir reachda
Mháoisi, rugadar léo go Hiarusaléim é,
dá thaisbéanadh don Tighearna,
23 (Mar a tá scríobhtha a reachd an
Tighearna, Gach céudghein mhic thuis-
mheas brú, biaidh sé náomhtha don
Tighearna.)
24 Agus do thabhairt ofrála, do réir
mar a dearthar a reachd an Tighearna,
cúpla turtair nó dhá gheirrceach coluim.
25 Agus féuch, do bhí duine a Nia-
rusaléim, dár bhainm Símeon: agus
do bhí an fearso comhthrom, díadha,
agus a shúil ré comhfhurtachd Israél:
agus do bhí an spiorad náomh ann.
26 Agus do fhoillsigh an spiorad
náomh dhó, nach bhfaicfeadh sé bás, nó
go bhfhaicfeadh sé Críosd an Tighearna.
27 Agus táinic sé maille ré tréoir
na spioraide don teampoll: agus an
tan tug a athair agus a mháthair an
leanabh Iósa, do chum go ndéanaidís ar
a shon do réir gnáthuighthe an dlighe:
28 Ann sin do ghabh seision chuige
an a uchd é, agus do mhol sé Día,
agus a dubhairt sé:
29 A Thighearna, a nois leigeas tú
do shearbhfhoghantuidhe a siodhcháin, do
réir tfhocail féin.
30 Oír do chonncadar mo shúile do
shlánughadhsa:
31 Noch do ullmhuigh tú a bhfiadh-
nuisi na nuile phobal.
32 Solus do dhéunadh soillsi do na
cineadhachuibh, agus glóir do phobuil
féin Israél.
33 Agus do ghabh iongantus Jóseph
agus a mháthairsion, fá na neithibh a
dubhradh na thimcheall.
34 Agus do bheannuigh Símeon íad,
agus a dubhairt sé ré Muire a mhathair-
sion; Féuch, a tá sé so ar na órdughadh
do chum tuitme agus eiséirghe mhó-
ráin a Nisraél, agus na chomhartha agá
gcuirfithear na aghaidh:
35 (Agus fós rachaidh cloidheamh
tré thanamsa) do chum go nochdfuidhe
smúaintighthe as mórán do chroidhibh.
36 Agus fós do bhí Anna, banfhaidh,
inghean Phánuel, do thréibh Aser: do
bhi áois mhór aicesi, tár éis seachd
mbliadhna do chaitheamh dhi ag fear
a ndiáigh a maighdeanuis.
37 Agus ar mbeith na baintreabh-
uigh a dtimcheall cheithre mbliadhan
agus cheithre fichid dhi, níor fhág sí an
teampoll, achd ag déunamh seirbhísi do
Dhia do ló agus doidhche, lé trof-
gadh agus lé húrnuighthe.
38 Agus táinic so do láthair ar an
úair gcéudna, agus dadmhuigh sí an
Tighearna ma ráon riú, agus do labhair
sí na thimcheall ré gach áon agá raibh
súil ré fúasgladh an Jarusaléim.

39 Agus

39 Agus mar do chríochnuigheadar
gach uile ní do réir reachda an Tigh-
earna, do fhilleadar don Ghalilé, da
gcathruigh féin Násarét.
40 Agus do fhás an macáomh, agus
do neartuigheadh é a spioraid, & do bhí
sé lán deagna: agus do bhí grása Dé
maille ris.
41 Agus do ghnáthuigheadh a athair
agus a mhathair dul gach a bliadhna go
Hiarusaléim a sollamuin na Cásg.
42 Agus ar mbeith dhá bhliadhan
déug dhó, do chúadar súas go Hiaru-
saléim, do réir ghnáthuighthe na sol-
lamna:
43 Agus ar gcríochnughadh na láe-
theadh sin, an tan do fhilleadarsan,
dfan an leanabh Jósa a Niarusaléim:
gan fhios do Jósepḣ, ná dhá mhàthair.
44 Agus an tan do shaóileadar go
raibh sé na gcuideachda, do shiobhladar
asdar laói, agus díarradar é a measg a
ndaóine gaóil agus aitheanta.
45 Agus an tan nach bhfúaradar é,
do fhilleadar go Hiarusaléim, dhá
iarruigh.
46 Agus tárla tri lá dhá éis sin, go
bhfúaradar é ann sa teampoll na shuidhe
a measg na ndoctúireadh, ag éisdeachd
ríu, agus ag cur cheasd orrtha.
47 Agus do ghabh iongnadh gach uile
dhuine dá gcúalaidh é, fá na thuigsin,
agus fá na fhreagarthaibh.
48 Agus ar na fhaicsin dóibh, do
ghabh úathbhás íad, agus a dubhairt a
mhathair ris, A mhic, créd fá ndéarna tú
mar so rinn? féuch, do bhí misi & ta-
thair lán do dhobrón dod lorgaireachd.
49 Agus a dubhairt seision ríu, Créd fá
rabhabhair dom lorgaireachdsa? an né
nach raibh a fhios agaibh gur bhéigin
damhsa bheith ag déanamh ghnódhaigh-
the mathar?
50 Achd níor thuigeadarsan na bría-
thra do labhair se ríu.
51 Agus do chuáidh sé léo síos, agus
táinic sé go Násarét: agus do bhí sé
umhal dóibh: Agus do thaisgidh a
mhàthair na bríathra so uile an a
croidhe.
52 Agus do bhí Jósa ag fás an eag-
na, agus a naóis, agus a ngean ag Día
agus ag daóinibh.

CAIB. III.

Seanmoir & Teasdas Eóin um Chríosd,
21 Teasdas Dé uime; 23 & a Shinnsiorr-
achd thaoibh Joseph.

AGus an cúigeadh bliadhan déug
dimpireachd Thibérius Séasar, ar
mbeith do Phonsius Phioláid na úachda-
rán a ttír Júdaighe, agus Joruáith na
Théatrarc fa Ngalilé, agus Philib a
dhearbhrathair na Théatrarc air Ituréa
agus air chrích Thraconitis, agus Lisá-
nias air Abiléne,
2 An tan do bhí Annas agus Caiphás
na nárdshagartuibh, táinic bríathar
Dé chum Eóin mhic Sachaírias, air an
bhfásach.
3 Uime sin tháinic sé ar feadh na
dúithche a dtimcheall Jórdan, ag sean-
móir bhaisdigh na haithrighe chum
maithmheachuis na bpeacadh:
4 Mar a tá sgríobhtha a leabhar
comhraidhteach Esáias fáidh, a deir;
Guth an té éighmheas ar an bhfásach,
Ullmhuighidh slighe an Tighearna, déa-
nuidh a chasáin díreach.
5 Líonfuidhear gach uile ghleann, agus
isleochthar gach uile shliabh agus chnoc:
agus béid na neithe cama díreach, agus
na slighthe garbhá mín.
6 Agus do chifi gach uile fheóil slá-
nughadh Dé.
7 Uime sin a dubhairt sé ris a tslúagh
tháinic a mach do chum go mbaisd-
feadh seisean íad; A shliochd na naith-
reach neimhe, cía thug rabhadh dhaóibh
teitheadh ón fheirg a tá ag teachd?
8 Ar a nadhbharsin tabhraidh tórr-
tha bhus iomchubhaidh don naithrighe
úaibh: agus ná tionsgnaidh a rádh
ionnaibh féin, A tá Abraham na athair
aguinn: Oír a deirimsi ribh, gur ab éi-
dir lè Día clann do dhúsachd as na
clochuibhse féin Dábraham.
9 Agus a tá an túagh a nois fós ar
na cur chum fréimhe na gcrann: ar
a nadhbharsin gach uile chrann nach dta-
bhair toradh maith, gearrthar é, agus
teilgthear fa teinidh é.
10 Agus do fhíafruigh an slúagh uile
dhe, ag rádh, Ar a nadhbharsin créud
do dhéunam?
11 Agus ar bhfreagra dhósan a du-
bhairt sé ríu, An té agá bhfuil dá chóta,
roinneadh ris an té ag nach bhfuil: do
gidh bé agá bhfuil bíadh, déanadh sé
mar an gcéudna.
12 Agus tángadar na Puibliocáin
mar an gcéudna, ionnus go mbaisd-
fidhe íad: agus a dubhradar ris;
A mhaigbisdir, créud do dhéunáim-
ne?
13 Agus a dubhairt seisíon ríu, Na
déunuidh ní sa mhó ná do hórduigheadh
dhaóibh.
14 Agus do chuireadar na saighdiúi-
righ fós ceisd air, ag rádh; Agus
créud do dhéunuimne? agus a dubhairt
seisean ríu; Ná déunaidh foiréigean ar
dhuine ar bith, agus ná hagraidh duine
ar bith go héugcórach: agus go madh
lór libh bhur dtúarasdál féin.
15 Agus ar mbeith ag feitheamh don
phobal, & ag smúainiughadh dhóibh uile
an a gcroidhthibh a dtimcheall Eóin,
nar bheisean Chríosd,
16 Do fhreagair Eóin, ag rádh ríu uile;
Baisdeamsa sibh go deimhin lé huisge:
achd a tá neach is neartmhuire ná misi
ag teachd, ag nach fiu mé íallach a bhróg
do sgaóileadh: baisdfidh seision sibh leis
an Spiorad náomh, agus lé teinidh:
17 Agá bhfuil a chríathar an a laimh,
agus

agus glanfaidh sé a urlár féin: agus
cruinneóchuidh sé an chruithneachd dá
sgiobol féin, achd loisgfidh sé an cháith
le teine nách éidir a mhúchadh.
18 Agus ag teagasg mhóráin eile
fós dó, dó mhinigh sé an soisgéul don
phobal.
19 Agus ar gcur an aghaidh Jórúaith
an Téatrarca dhó, fá Heródias bean
Philip a dhearbhrathar, agus fá gach
uile olc dá ndearna Iorúaith,
20 Do chuir sé so leis do bhárr ar
gach ní, gur dhúin sé ar Eóin a bprío-
sún.
21 Agus tárla an tan do baisdeadh
an pobal uile, agus do bhí Iósa agá
bhaisdeadh, agus ag déanamh úrnaigh-
the, gur hosgladh neamh:
22 Agus gur thuirrling an Spiorad
naomh a bhfioghair chorpardha mar
cholum air: agus go dtáinic guth ó
neamh ag rádh; Is tú mo mhac grá-
dhachsa, is ionnadsa a tá mo dheaghthoil.
23 Agus do bhí Iosa féin a dtim-
chioll a dheich mbliadhan fichead dáois,
ar mbeith (do réir bhreathnuighthe na
ndáoine) na mhac ag Ioseph, mhic Héli,
24 Mhic Matthat, mhic Lébhi, mhic
Melchi, mhic Ianna, mhic Ioseph,
25 Mhic Matatías, mhic Amos, mhic
Naum, mhic Esli, mhic Nagge,
26 Mhic Máat, mhic Matatías, mhic
Semei, mhic Ióseph, mhic Iúda,
27 Mhic Ioanna, mhic Résa mhic
Sorobábel, mhic Salatiel, mhic Néri,
28 Mhic Melchi, mhic Addi, mhic
Cósam, mhic Elmodam, mhic Er,
29 Mhic Ióse, mhic Eliéser, mhic
Iórim, mhic Matthat, mhic Léui,
30 Mhic Siméon, mhic Iúda, mhic
Ióseph, mhic Ionan, mhic Eliacim,
31 Mhic Meléa, mhic Mainán, mhic
Matata, mhic Nátan, mhic Dáibhi,
32 Mhic Iessé, mhic Obéd, mhic
Boós, mhic Salmón, mhic Náasson,
33 Mhic Amínadab, mhic Aram,
mhic Esron, mhic Pháres, mhic Iúdah,
34 Mhic Iácob, mhic Isaac, mhic
Abraham, mhic Tára, mhic Náchor,
35 Mhic Sáruch, mhic Ragu, mhic
Phalec, mhic Héber, mhic Salá,
36 Mhic Cáinan, mhic Arphaxad,
mhic Sem, mhic Noé, mhic Lámech,
37 Mhic Matúsala, mhic Enoch,
mhic Iáred, mhic Maleléel, mhic Cáinan,
38 Mhic Enos, mhic Séth, mhic
Adhaimh, mhic Dé.

CAIB. IV.

Troisgadh Chriosd, 13 bhuadhaigh sé ar an deamhan lámh ar láimh. 14 A sheanmóir, 41 & admhail na ndeamhan féin uime.

AGus ar mbeith Diosa lán don Spiorad
naomh, do fhill sé tar a ais ó
Iórdan, agus do treóruigheadh leis an
Spiorad ar an bhfásach é,
2 Feadh dhá fhichead lá an diabhal ag
cur chathuighthi air: & nior ith sé ni
ar bith ann sna laéthibh sin; achd ar na
gcríochnughadh, ann sin do ghabh ocras é.
3 Agus a dubhairt an Diabhal ris,
Más tú mac Dé, abair ris an gcloichsi
bheith na harán.
4 Agus do fhreagair Iósa é, ag
rádh, A tá sgríobhtha, nach lé harán a
mháin mhairfios an duine, achd lé gach
uile bhréithir Dé.
5 Agus an tan do thréoruigh an
Diabhal é ar shliabh árd, do thaisbén
sé ríoghachda na talmhun uile dhò, a
móimeint daimsir.
6 Agus a dubhairt an Diabhal ris,
Do bhéara misi na cumhachda so uile
dhuit, & a nglóir: óir tugadh dhamhsa
í, & do bheirim í don tí as toil leam.
7 Ar a nadhbharsin má adhrán tusa
dhamhsa, budh leachd iad uile.
8 Agus ar bhfreagra Diosa, a dubhairt
sé ris, Imthigh úaim a Shátain: óir
a tá sgríobhtha, Do dhéana tú do
Thighearna Día féin dadhradh, agus is
dó na áonar do dhéuna tú seirbhis.
9 Agus do thréoruigh sé é go Hia-
rusaléim & do shuighidh sé é ar bheinn
an teampoill: & a dubhairt sé ris, Mas
tú mac Dé, teilg thú féin sios as so.
10 Oir a tá sgríobhtha; Do bhéura
sé áithne dhá áinglibh ad thimcheall,
thusa do choimhéud:
11 Agus toigéubhuid eidir a lámh-
uibh thú, deagla go mbuailsea do chos
fá chloich úair ar bith.
12 Agus ar bhfreagra Diosa a
dubhairt sé ris; A dubhradh, Ni chuirse
tú cathughadh ar an Dtighearna do
Dhía féin.
13 Agus ar ccur chríche ar a chath-
uighthibh uile don Diabhal, dfág sé
eisean ar feadh tamuill.
14 Agus do chas Iósa maille ré
cumhachdaibh na spioruide don Gha-
lilé: agus do chúaidh a chlú ar feadh
na tíre na thimcheall.
15 Agus do theaguisg sé an a Sío-
nagógaibh súd, ag fagháil glóire ó
gach uile dhuine.
16 Agus táinic sé go Násaret mar
ar hoileadh é: agus do chúaidh sé a
steach mar budh gnáth leis, lá na sáb-
bóide, don tsinagóig: agus do éirigh
sé na sheasamh do leughthoireachd.
17 Agus tugadh leabhar Esáias
fáidh dhó, agus an tan do osgail sé an
leabhar fúair sé an tionad an a raibh
sgríobhtha;
18 Spiorad an Tighearna oramsa, tré
gur ong sé mé: do chuir sé úadh
mé do sheanmóir an tsoisgél do na
bochduibh, do shlánughadh na ndáoine
agà bhfuilid croidhthe brúidhte, do
sheanmóir fúasgalta do na braighdibh,
agus do na dalluibh aisioc a radharc,
agus do thabhairt sáoirsi don mhuinntir
a tá ar na gcombrúghadh.
19 Do sheanmóir bliadhna fhorbháil-
tigh an Tighearna.
20 Agus ar ndúnadh an leabhair dhó,

agus

agus ar na thabhairt don ghiolla, do
ſhuidh ſé: agus do bhádar ſúile a
raibh ann ſa tſinagoig uile ag ſeachain
air go géur.
21 Agus do thionnſgain ſé a rádh
ríu, A niugh a tá an ſgriobtúirſo ar na
choimhlíonadh an bhur gcluáaſuibhſi.
22 Agus do rinneadar uile fiadhnuiſi
leis, & do bhí iongantus aca ann ſna
comhráitibh gráſamhla do thigeadh as
a bhéul, agus a deirdís, An né nach é
ſo mac Jóſeph ?
23 Agus a dubhairt ſé ríu, Déara
ſibh rium gan amharus an ſeanfhocal-
ſa, A liaigh, leighis thú féin: leitheid
na neitheadh do chúalamar do rinne
tú a Gcapernáum, déana mar an gcéud-
na ann ſo ad dhúithche féin [iad.]
24 Agus a dubhairt ſeiſion, A deirim
ribh go deimhin, nách bhfuil cion ar
fháidh ann a thír féin.
25 Achd go fírinneach deirimſi ribh,
Go rabhadar mórán baintreabhach a
láethibh Elias a Niſraél, an tráth do
bhí an fhiormámeint druite trí bliadhna
agus ſé mhí, ionnas go raibh gorta
mhór ar feadh na talmhan uile:
26 Achd níor cuireadh Elias dionn-
ſuighe áon bhaintreabhaighe aca ſúd,
ach go Sarepta na Sidónia, chum mná
do bhí na baintreabhaigh.
27 Agus do bhádar mórán lobhar a
a Niſraél, ré linn Eliſéus an faidh: &
níor glanadh éin neach aca, achd Ná-
amán an Siriánach.
28 Agus do líonadh a raibh ann ſa
tſionagóig dfeirg, an tan do chúaladar
na neitheſi.
29 Agus ar néirghe na ſeaſamh dhóibh,
do theilgeadar as an gcathruigh a mach
é: agus rugadar léo é ar mhaluidh
an tſléibhe ar a raibh a gcathair ar na
tógbháil, do chum go dteilgfidís ſíos
a ndiaigh a chinn é.
30 Achd ar ngabháil dóſan tré na
lár, do imthigh ſé.
31 Agus do chúaidh ſé ſíos go Ca-
pernáum, cathair don Ghalilé, & do
bhíodh ſé dhá dteagaſg ann ſna ſabbói-
dibh.
32 Agus do bhí uathbhás acaſan an
a theagaſg, óir do bhí a chomhrádh
maille ré hughdarrás.
33 Agus do bhí neach ann ſa tſionagóig
an a raibh ſpiorad deamhnaighe neamh-
ghlan, & do éigh ſé do ghuth mhór,
34 Ag rádh, Uch, créud í an bhúain
atá aguinne riot a Iósa Naſardha ? an
dár ſgriſne tháinic tú ? a tá a fhios
agumſa cia thú, Neach náomhtha Dé.
35 Agus do imdhearg Iósa é, ag rádh,
Bí ad thochd, agus tárr a mach as.
Agus do imthigh an deamhan as, ar na
thraſgairt go lár, gan díoghbháil ar
bith do dhéanamh dhó.
36 Agus do ghabh crith cách uile:
agus do labhradar ré chéile ag rádh,
Créud é an niſe, go náithnigheann ſé do
na ſpioradaibh neamhghlana lé cumh-
achdaibh, agus lé neart, agus go dtigid
ſiad a mach !
37 Agus do chúaidh a thúaraſgbháil an
gach uile ionad don tírſin timcheall.
38 Agus an tan do éirigh Iósa as an
tſinagóig, do chúaidh ſé a ſteach go tigh
Shimóin: agus do bhí fiabhrus romhór
ar mháthair mhná Shimóin: agus do
chuireadar impidhe airſean air a ſon.
39 Agus ar ſeaſamh dhóſan ós a cionn,
do imdhearg ſé an fiabhrus: agus dfág
an fiabhrus í: agus ar néirghe dhiſi
do lathair, do rinne ſí friothólamh
dhóibh.
40 Agus ar ndúl don ghréin faoi, gach
áon agá rabhadar daoine éugcrúaidhe
ó thinneaſaibh éugſamhla, tugadar chui-
geſean iad: agus ar gcur a lámh dhóſan
ar gach áon díobh, do ſhlánuigh ſé iad.
41 Agus fós do imthighidis na dea-
mhain as mórán ag éighmhe, agus ag
rádh, Is tuſa Crioſd mac Dé. Achd dá
nimdheargadh dhóſan, ní léigeadh ſé
dhóibh a rádh, go raibh a fhios aca gur
bhé féin Crioſd.
42 Agus ar néirghe don lá do imthigh
ſé a mach, agus do chúaidh ſé a nionad
fháſamhail, agus do bhí an ſlúagh ag á
lorgaireachd, agus tangadar chuige; &
do bhádar dá chongbháil, do chum nách
rachadh ſé úatha.
43 Achd a dubhairt ſeiſion ríu, Go fí-
rinneach is éigin damhſa flaitheas Dé do
ſheanmóir do chaithreachaibh eile leis:
óir is chuige ſo do cuireadh mé.
44 Agus do bhíodh ſé ag déanamh
ſeanmóra a ſionagógaibh na Galilé.

C A I B. V.

Déis mhirbhuilte an tachtair éiſe, 10 do lean Siomon, Séumas & Séon, Crioſd.

AGus tárla an tan do ling an pobal
air, déiſdeachd ré bréithir Dé, gur
ſheas ſeiſion láimh ré loch Gheneſa-
rét:
2 Agus do chonnairc ſé dhá luing do
bhí ar an loch: achd do imthigheadar
na hiaſgaireadha aſda, agus do bhíodar
ag nighe a líontadh.
3 Agus ar ndul dóſan a luing dhíobh
do budh lé Símón, do iarr ſé air dul
beagán ón tír: agus ar ſuidhe dhó do
theagaiſg ſé an pobal as a luing.
4 Agus mar do ſguir ſé do labhairt, a
dubhairt ſé ré Símón: Déunuigh romh-
aibh ar an ndubhaigéun, agus leigidh
ſíos bhur líonta chum gabhála.
5 Agus ar bhfreagra do Shímon a
dubhairt ſé ris; A mhaighiſdir, do thuirr-
ſigheamar ſinn féin feadh na hoidhche
uile, agus níor ghabhamair éin ní:
achd cheana ar do bhreithir ſe cuirfe
mé ſíos an líon.
6 Agus an tan do rinneadar ſo, do
íadhadar ar iomarcuigh éiſg: ionnus
gur briſeadh a líon.
7 Agus do ſméideadar ar a gcom-
pánachuibh

pánachuibh do bhí ann ſa luing eile,
do chum go dtiocſaidís chuca do thabh-
airt chunganta dhóibh, & thangadarſan,
& do líonadar an dá luing, ionnos go
rabhadar a ninnmhe a mbáidhte.
8 Agus an tan do chonnairc Símon
Peadar [ſo,] do ſhléuchd ſé ag glúinibh
Jóſa, ag rádh, Imthigh úaim a Thighear-
na, óir is duine peacthach mé.
9 Oír do ghabh eagla é féin, & a
raibh na fhochair uile, ar ſon na gabh-
ála éiſg do ghabhadar:
10 Agus mar an gcéudna Séumas &
Eóin, clann Shebedei, do bhí na gcom-
pánachuibh ag Símon: & a dubhairt
Jóſa ré Símon, ná bíodh eagla ort;
as ſo a mach biaidh tú ad iaſgaire ar
dhaoinibh.
11 Agus an tan tugadarſan a longa
chum tíre, ar bhfágbháil an uile neithe
dhóibh, do leanadar eiſean.
12 Agus tárla an tan do bhí ſé a
ccathruigh áirighe, Féuch, óglach lán
do lubhra: agus ar bhfaicſin Jóſa dhó,
do léig ſé é féin ſíos ar aghaidh, agus
do ghuidh ſé é, ag rádh; A Thighear-
na, más toil leachd é, is éidir leachd
miſi do ghlanadh.
13 Agus ar ſíneadh a láimhe, do
bhean ſé ris, ag rádh, As toil, bí glan:
& dfág an lubhra é ar an mball.
14 Agus do aithin ſé dhe gan a inni-
ſin do dhuine ar bith: achd imthigh,
taiſbéin thú féin don tſagart, & íodh-
bhair ar ſon do ghlanta, mar do aithin
Máoiſi, mar fhiadhnuiſi dhóibh.
15 Achd is móide do leathnuigh a
thúaraſgbháil ſin: agus do chruinnigh
ſlúagh mór déiſdeachd ris, agus dfa-
gháil fóirighne a dteinneas úadh.
16 Achd do chúaidh ſeiſean fá leith
ar an bhfáſach, agus do rinne ſé ur-
naighe.
17 Agus tárla go raibh ſé lá áirighe
ar teagaſg: agus go rabhadar na Phai-
riſínigh, agus doctúirí an dlighe na
ſuidhe a láthair, noch tháinic as gach
uile bhaile don Ghalilé, agus do thír
Júdaighe, agus ó Jeruſaléim: agus do
bhí cumhachda an Tighearna chum a
ſlánuighthe;
18 Agus féuch, do íomchradar dáoine
a leabuidh, óglach do bhí a bpairilis:
& do íarradar a thabhairt a ſdeach, &
a chur na fhiadhnuiſiſean.
19 Agus an tráth nach bhfúaradar
caoi ar a thabhairt a ſdeach, trè mhéud
na cuideachda, do chúadar ſúas ar a
tigh, & do léigeadar é féin, & a lea-
buidh ſíos tríd an ſlinnteach ar lár,
a bhfiaghnuiſi Jóſa.
20 Agus ar bhfaicſin a gcreidimh dhó-
ſan, a dubhairt ſé ris; A dhuine, a
táid do pheacuidh ar na maitheamh
dhuit.
21 Agus do thionnſgnadar na ſgrío-
buidhe, & na Phairiſínigh diosbóireachd
do dhéunamh, ag rádh; Créd é an fear-
ſa labhras blaiſphéimighe: cía fhéudus
peacuigh do mhaitheamh, achd Día na
áonar?
22 Achd ar naithne a ſmúaintighe
Díoſa, do ſhreagair ſé, & a dubhairt
ſé ríu; Créd é an ní ſo ſmuaintighthíſi
an bhur gcroidhthibh?
23 Cía is uſa a rádh, A táid do phea-
cuidh ar na maitheamh dhuit: ná a
rádh, Eirigh, agus ſiobhail?
24 Achd do chum go mbeith a fhios
agaibh, go bhfuil cumhachda ag mac an
duine, peacuidh do mhaitheamh ar an
dtalamh, (a dubhairt ſé ré fear na
pairiliſi) A deirimſi riot, éirigh, tóg
do leabuidh, agus imthigh dod thigh.
25 Agus ar néirghe dhóſan ar an
mball an a bhfíadhnuiſi, do thóg ſé an
leabuidh an a raibh ſé na luighe, & do
chúaidh ſé dhá thigh, ag moladh Dé.
26 Agus do ghabh úathbhás cách uile,
& do mholadar Día: agus do líon-
adh deagla íad, ag rádh; Do chonnca-
mair neithe doichreite a niugh.
27 Agus tar éiſi ſo do chúaidh Jóſa
a mach, agus do chonnairc ſé puiblio-
cán dár bhainm Lébhi, na ſhuidhe ag
bord an chuſduim, agus a dubhairt ſé
ris; Lean miſi.
28 Agus ar bhfágbháil gach éin nei-
the dhóſan, déirigh ſé, agus do lean ſé
eiſean.
29 Agus do rinne Lébhi féuſda mór
dhó an a thigh féin: & do bhí cuideachda
mhór phuibliocán, agus dháoine eile do
ſhuidh na bhfochair.
30 Agus do rinne cuid díobh do bhí
na ſgríobuidhibh, agus na Bhphairiſí-
neachuibh monabhar a naghaidh a
dheiſciobalſan, ag rádh, Créud fá nithtíſi
agus fá nibhthí a bhfochair na bpui-
bliocán, agus na bpeacthach?
31 Agus ag freagra a dubhairt Jóſa
ríu, Ní bhfuil ríachdanus leágha ar na
dáoinibh ſlána, achd ar na dáoinibh
tinne.
32 Ní tháinic miſi do ghairm na
bhfíréunach, achd na bpeacthach chum
aithrighe.
33 Achd a dubhradarſan ris, Créud
fá dtroiſgid deiſciobail Eóin go minic,
agus créd fá ndéunuid ſíad urrnaighe,
agus mar an gcéudna deiſciobail na
Bhpairiſíneach: achd ithid agus ibhid
do dheiſciobailſi.
34 Agus a dubhairt ſeiſion ríu, An
bhféadtáoiſi a thabhairt air chloinn
tſéomra an fhir núa phóſda troſgadh do
dhéunamh, an feadh bhías ſé féin na
bhfochair?
35 Achd tiocfaid na láethe an tan
bhéurthar an fear núa phóſda úatha,
ann ſna láethibh ſin do dhéunuid ſíad
troſgadh.
36 Agus a dubhairt ſé fós tré cho-
ſamhlachd ríu; Ní chuireann neach ar
bith preabán éuduigh núa air ſheanchu-
laidh, nó briſidh an téudach núa é
agus

agus ní thig an preabán núa-éuduigh
leis a tseineudach.
37 Agus ni chuireann duine ar bith
fíon núa a seanbhuidéuluibh, nó brisfidh
an fíon núa na buidéil, agus dóirtfidhear
an fíon, agus rachuid na buidéil a
mugha.
38 Achd fíon núa is cóir do chur a
mbuidéuluibh núadha, agus béid siad ar
áon slán.
39 Agus ni bhfuil duine ar bith
ibheas seinfhíon, lér ab áill fíon núa ar
ball: óir a deir sé, Is é an seinfhíon is
folláine.

CAIB. VI.

Fuasgaltá na ceisde um na sáoire, 20 le searmóin um Shonuis & Anrath, 27 & ghrádh dar neascairdibh.

AGus tárla ag gabháil trí ghortuibh
dhósan an dara sábbóid don tsollam-
ain, gur bheanadar a dheisciobail déusa,
agus tar éis a gcuimealta eidir á lámhuibh
dhóibh, dúadar íad.
2 Achd a dubhradar cuid do na Pha-
risíneachuibh ríu: Créd fá ndéuntáoi ní
nach indéanta ann sa tsáoire?
3 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt
sé ríu; An né nár léughabhuirsi an ní so
do rinne Dáibhi, an tan do bhí ocrus
air féin, agus ar an muintir do bhí na
fharradh:
4 Cionnus do chúaidh sé a sdeach go
tigh Dé, agus do ghlac sé arán na fiadh-
naisi, agus a dúaigh sé é, agus tug sé
fós don mhuintir do bhí na fhochair é:
noch nár chóir ithe, achd do na sagurt-
uibh amháin?
5 Agus a dubhairt seisean ríu; As
Tighearna don tsábbóid féin mac an
duine.
6 Agus tárla fós a sábbaid eile, go
ndeachuidh seisean a sdeach don tsinagóg,
agus gur theaguisg sé, agus do bhí óg-
lach ann sin agá raibh a lámh dheas
ar na seargadh.
7 Agus do bhí coimhéud ag na sgrío-
buidhibh agus ag na Pharisíneachuibh
airsean, dá fhéuchuin an ndéanadh sé
leigheas ann sa tsábbaid, do chum go
bhfuighidís adhbhar gearáin air.
8 Achd daithin seisean a smúainthigh-
the: agus a dubhairt sé ris an duine
agá raibh an lámh sheargthuigh: Eirigh,
agus seas a lar [cháich]. Agus do éirigh
seision agus do sheas sé.
9 Ann sin a dubhairt Jósa ríusan,
Fiafróchaidh misi dhibhsi ní áirighe, An
cóir maith nó olc do dhéunamh sa
tsábbaid: anum do shábháil nó do
sgrios?
10 Agus an tan do fhéuch sé orrtha
uile na thimcheall, a dubhairt sé ris a
nóglach, Sín amach do lámh: agus do
rinne seisean mar sin: agus do haisea-
gadh a lámh slán mar an lámh eile.
11 Agus do líonadh íadsan do chuthach:
agus do lúaidheadar ré a chéile, Créd
do dhéanaidís ré Híosa.
12 Agus tárla ann sha láethibh sin,
go ndeachuidh seisean amach ar shliabh,
do dhéunamh úrnaighe: agus do chaith
sé an oidhche ag guidhe Dé.
13 Agus ar néirghe don lá, do ghoir
sé a dheisciobail chuige, agus do thogh
sé dhá fhear dhéug asda, dár ghoir sé
Absdail:
14 Símon dár ghoir sé fós Peadar, &
Aindrías a dhearbhráthair, Séumas agus
Eóin, Philip, agus Bartoloméus.
15 Matha agus Tomás, Séumas [mac]
Alphei, agus Símon da ngoirthear Se-
lótes.
16 Judás [dearbhráthair] Shéumuis,
agus Iudás Iscariot, (an té fós do bhráth
eisíon.)
17 Agus táinig sé a núas léo, agus do
sheas sé ar mhachuire réidh, agus a
choimhthionól deisciobal, agus mórán
mór do phobal ó thír Iúdaighe uile, &
ó Iárusalem, agus ó chois fairrge Thí-
rus agus Shidon, noch tháinig déisdeachd
leision, agus dfagháil leighis ar a nea-
sláintibh:
18 Agus a raibh ar ná gciorrbhadh
ag spioraduibh neamhghlana, agus do
leighiseadh íad.
19 Agus do bhí an slúagh uile ag íar-
ruidh cuimealta ris, óir do bhídh subh-
ailce ag dul úadh, agus do shlánuidh
sé íad uile.
20 Agus ar dtógbháil a shúl súas dósan
air a dheisciobluibh, a dubhairt sé: As
beannaighthe [sibhsi] a dháoine bochdas
óir as libh flaitheas Dé.
21 As beannaighthe sibh a dháoine
atá ocrach a nois: óir sáiseochthar sibh:
As beannaighthe sibhsi chaoidheas a
nois: óir do dhéuntáoi gáire.
22 As beannaighthe bheithí an tráth
fhúathóchuid dáoine sibh, agus chuirfid
síad as a gcuideachda sibh, agus im-
dheargfuid sibh, & chuirfid bhur nainm
amach, mar olc, ar son mhic an duine.
23 Déunuidh gáirdeachus an lá sin, &
éirghidh a náirde ré lúthgháire, óir féuch,
as mór bhur lúaidheachd ar neamh: Oír
as mar sin do rinneadar a naithreacha
ris na fáidhibh.
24 Achd as anáoibhinn dáoibhsi a
dháoine saidhbhre: óir atá bhur sólás
a guibh.
25 As anáoibhinn dáoibh a dháoine
atá sáitheach: óir biáidh ocras oruibh.
As anáoibhinn dáoibh a dháoine atá a gái-
righe a nois: óir cáoifidhe, agus goil-
fidhe.
26 As anáoibhinn dáoibh an tráth a
déuruid na huile dháoine maith ribh:
óir as mar sin do rinneadar a naith-
reacha ris na fáidhibh fallsa.
27 Achd a deirim ribhsi, atá ag éis-
deachd, Grádhuighidh bhur námhuid:
déunuidh maith don dreim air ar
fúadh sibh:
28 Tabhruidh bhur mbeannachd don
dreim mhalluigheas sibh: agus déunuidh
urrnaighe

urnaighe ar son na muintire do ní bhur
ndíoghbháil.
29 An té bhúaileas tú air a ngiall,
iompó chuige an giall eile: agus an té
bheanus do chlóca dhíot, ná bac dhe do
chóta fós [a bhreith leis.]
30 Agus tabhuir do gach neach íarrus
ort: agus òn té thógbhus do chuid úait,
ná híarr air ais é.
31 Agus mar as toil libh dáoine do
dhéanamh dhíbh, déunuidhsi mar an
gcéudna dhóibhsion.
32 Oir má tá grádh aguibh don
mhuinntir ghrádhuigheas sibh, créud é an
buidheachus bhías oruibh? óir grádhui-
ghid ná peacthuigh féin na dáoine ghrá-
dhuigheas iad.
33 Agus má níthi maith don mhuin-
tir do ní maith dhíbh, créud é an
buidheachus bhías oruibh? óir do níd
na peacthuidh féin an gcéadna.
34 Agus dá dtugtháoi áirleagadh do
na dáoinibh ó a saoiltí a fhagháil a rís,
créud é an buidheachus bhías oruibh?
óir do bheirid na peacthaidh áirleagadh
do na peacthachaibh, do chum go bhfui-
ghdís a leithéid a rís.
35 Ar a nadhbharsin grádhuighidh
bhur námhuid, agus déunuidh maith, &
tabhruidh áirleagadh úaibh, gan súil ré
héinní: agus budh mór bhur lúaidheachd,
agus beithí bhur gcloinn ag an té as áirde:
Oir bí seisean cinealta leis na dáoinibh
dombuidheacha agus saithe.
36 Ar a nadhbharsin bithísi tròcai-
reach, mar atá bhur nathuir trócui-
reach.
37 Agus ná beiridh breath, agus ní
bheurthar breath oruibh: ná damnui-
ghe, agus ní daiméontar sibh: maithidh,
agus maithfithear dháoibh.
38 Tabhrúidh úaibh, agus do bhéur-
thar dháoibh: agus do bhéuruid dáoine
an bhur nuchd miosúr maith, dingthe,
craithte, agus ag dul thairis: Oír as leis
an miosúr an a dtoimhéosdáoi, toimh-
éosdar mar an gcéudna dháoibh.
39 Agus do labhuir sé cosamhlachd
ríu; An bhféudann an dall éolus do
dhéunumh do dhall eile? an ne nách
duitfid aráon sa dig?
40 Ní bhfuil an deisciobal ós cionn
a mhaighisdir, achd gidh bé neach bhus
diongmhála, bíaidh sé mar a mhaighis-
dir.
41 Agus créud fa a bhfaiceann tú an
broth beag a súil do dhearbhráthar, &
nach dtugair dod aire an tsail atá ad
shúil féin?
42 Nó cionnus as éidir leachd a rádh
réd dhearbhráthuir; A dhearbhrathuir,
léig dhamh an broth atá ad shúil do
bhúain aisde: agus nách bhfaiceann tú
an tsail atá ad shúil féin? a fhir an fhúar-
chrábhuidh, ar tús teilg amach an tsail
as do shúil féin, agus an sin bhus léir
dhuit, an broth atá a súil do dhear-
bhráthar do bhúain aisde.
43 Oír ní maith an crann iomchras
drochthoradh, agus ní holc an crann
iomchras toradh maith.
44 Oír is as a thoradh aitheantar
gach uile chrann: Oír ní chruinnighid
dáoine fígidhe do dheilgneach; na cáo-
ra fíneamhna do dhriseach.
45 Do bheir an duine maith, ní maith
as cisde maith a chroidhe féin: agus do
bheir an droch dhuine droch ní as droch
chisde a chroidhe fein: Oír is as iomar-
cuidh an chroidhe, labhrus an béul.
46 Achd créud fá ngoirthísi, A Thi-
ghearna, a Thighearna dhíomsa, agus
nach déuntáoi na neithe a deirim?
47 Gach uile neach thig chugamsa, a-
gus éisdeas rém bhríathruibh, agus do
ní dhá reir: foillséochuidh mé dháoibh-
si cía ré ar cosmhuil é.
48 As cosmhuil é ré neach do thóg a
thigh, agus do thochail, agus do chúaidh
go domhuin a dtalumh, agus do chuir a
fhunndáimennt ar charruig: agus mar
tháinig an tuile, do bhúail an sruth fán
dtigh úd, achd níor bhéidir leis a chor-
rughadh: óir do bhí sé ar na fhunndá-
mentiughadh ar charruig.
49 Achd gidh bé chluin, agus nach
déun, as cosmhuil é ré neach do thóg
a thigh air thalamh gan fhunndaiment,
air ar bhúail an tuile: agus do thuit sé
do láthair, & bá mór tuitim an tighe sin.

CAIB. VII.

Shàruigh an Caiptin pagantach na Hiuduighe a ncreideamh. 36 Bhi Criosd na charaid don pheacach irisil.

AGus an tráth do chríochnuigh sé a
bhríathra uile a néisdeachd an pho-
bail, do chúaidh sé a sdeach go Caper-
náum.
2 Agus do bhí óglach Caiptín áirighe
go breoite a riochd bháis, air a raibh
cion mór aige.
3 Agus an tan do chúaluidh sé tuar-
asgbháil Iósa, do chuir sé sinnsir na Niu-
duighe chuige, ag iarruidh air, teachd
& a shearbhfhoghantuidhe shlánughadh.
4 Agus an tan thangadar so chum Iósa,
díarradar air go dithchheallach, ag rádh,
Gur bhfíu é so do thabhuirt dó.
5 Oír atá grádh aige dhar gcineadh-
ne, agus do thóg sé sionagóg dhúinne.
6 Agus do chúaidh Iosa léo. Agus
an tan do bhí sé a ngar don tígh, do
chuir an caiptín a chairde chuige, ag
rádh ris; a Thighearna, Ná cuir buai-
dhreadh ort féin: óir ní fiu misi go
rachfá a sdeach fá chléith mo thighe.
7 Ar a nadhbharsin níor mheas mé
gur bhfiu mé féin dul ad ionnsuighe:
achd abuir a bhfocal, agus bíaidh mó-
glach slàn.
8 Oír as duine misi féin atá faoi chu-
mhachdaibh, agá bhfuilid saighdiuirigh
fum, & a deirim ris an bhfearso, Imthigh,
& imthighe sé: agus ré fear eile, Tarr,
& tig sé: agus rem shearbhfhoghantai-
dhe, Déuna so: agus do ní sé é.

9 Agus ar ná gcloiſdin ſo Dioſa, do
bhí iongnadh aige ann, & ar bhfilleadh
dhó, A dubhairt ſé ris a tſlúagh do lean
é; A deirim ribh, nach bhfúair mé a
Niſrael féin a chomhmór ſo do chrei-
deamh.
10 Agus ar bhfilleadh a ſteach do na
teachdairibh do cuireadh chuige, fúaradar
an ſearbhfoghantaidh do bhí tinn, ſlán.
11 Agus tárla an lá na dhiáigh ſin, go
ndeachaidh ſé don chathruigh, dá ngoir-
thear Náin: & do chúadar mórán dá
dheiſciobluibh leis, & buidhean mhór.
12 Agus an tan tháinig ſé a ngar
do dhoras na caithreach, féuch, do bhí
duine marbh agá bhreith amach, do bhí
na áon mhac agá mháthair, & í na bain-
treabhaigh: agus do bhí coimhthionól
mór ón chathruigh na ſochair.
13 Agus ar na faicſin don Tighearna,
do ghabh trúaighe mhór dhi é, agus a
dubhairt ſé ría; Na guil.
14 Agus táinic ſé, agus do bhean ſé
ris an gcomhraidh, (agus do ſheaſadar
an luchd do bhí agá iomchar) agus a du-
bhairt ſé; A ógánaigh, a deirim riot,
éirigh.
15 Agus déirigh an duine marbh na
ſhuidhe, agus do thionnſgain ſé labhairt:
agus tug ſé dhá mháthair féin é.
16 Agus do ghabh eagla iad uile,
agus tugadar glóir do Dhía, ag rádh:
Déirghe fáidh mór an ar meaſg, agus
dféuch Día ar a phobal féin.
17 Agus do chúaidh an túaraſgbháil
ſo amach air féadh thíre Júdaighe uile,
agus air feadh gach éintíre timcheall.
18 Agus dinnſeadar a dheiſciobail na
neithe ſo uile Déoin. Agus ar ngairm
Deóin deiſi áirighe dhá deiſciobluibh
chuige,
19 Do chuir ſé dionſuighe Jóſa iad, ag
rádh: An tuſa an té do bhí chum teachda,
nó an bhfuilmid ag feathamh ré neach
eile?
20 Agus an tan thangadar na firſi
chuigeſean, a dubhradar; Do chuir Eóin
bailde ſinne a tionnſaidh, ag rádh: An tuſa
an té do bhí chum teachda, nó an bhfuil-
mid ag feathamh ré neach eile?
21 Agus ar an uáir ſin féin do ſhlá-
nuigh ſeiſean mórán daóine ó eaſláintibh,
agus ó phláighibh, agus ó dhroch ſpio-
radaibh: agus tug ſé á radharc do mhó-
rán dall.
22 Agus ar bhfreagra Dioſa, a dubhairt
ſé ríu; Ar nimtheachd dibh innifidh
Deóine, na neithe do chonncabhair, &
do chúalabhair: go bhfaicid na daill, go
ſiubhlaid na bacuidh, go nglántar na lo-
bhair, go gcluinid na bodhair, go néir-
ghid na mairbh, go bhfuil an ſoiſgéul
dá ſheanmóir do na bochdaibh.
23 Agus as beannaighthe an té nach
bhfuighe oilbhéim ionnumſa.
24 Agus an tráth do imthigheadar
teachdairighe Eóin, do thionnſgoin ſeiſi-
on a rádh ris an bpobal a dtimcheall
Eóin; Créud é an ní agá ndeachubhuir
dhá fhéuchain amach ar an bhfaſach? an
giolcach ar na bhogadh ag an ngaoith?
25 Achd créud é an ní agá ndeachubh-
air amach dhá fhéuchuin? duine atá ar
na éudughadh a neuduighibh míne?
féuch, an luchd bhíos a néudaighibh
onóracha agus a ſaimhe, is a bpáláſaibh
na ríogh bhíd ſiad.
26 Achd créd é an ní agá ndeachubhair
amach dhá fhéuchuin? Fáidh? a deirim
ribh go fírinneach, & ni as mó ná fáidh.
27 Ag ſo an té ar-a bhfuil ſgríobhtha,
Féuch, cuirim mo theachdaire romhad,
oillmhéochus do ſhlighe romhad.
28 Oír a deirim ribh, Nach bhfuil
éidir chlannuibh na mban, fáidh as mó
ná Eóin baiſde. Achd cheana an té as
lugha a ríoghachd Dé, as mó é na ei-
ſean.
29 Agus ar na gcloiſdin ſo, do mho-
ladar an pobal uile, agus na Puibliocáin,
Día, do bhí ar na mbaiſdeadh re
baiſdeadh Eóin.
30 Achd tugadar na Phairiſinigh &
an luchd dlighe tarcuiſne ar chomhairle
Dé na naghuidh féin, gan a bheith ar
na mbaiſdeagh úadhſan.
31 Agus a dubhairt an Tighearna,
Cía ré ſaimhéola mé daóine an chinidh
ſo? agus cía ré ar coſmhuil iad?
32 As coſmhuil iad re leanbuibh na
ſuidhe ar áit an mhargaidh, agus éigh-
mheas ar a chéile, & a deir: Dó rinn-
eamair píobaireachd dhaóibh, & ní
dhearnabhair damhſa: do rinneamair
caói dhaóibh, & ni dhearnabhair gul.
33 Oír tháinig Eóin bailde, ní ag ithe
aráin, ná ag ól fíona, & a deirthiſi, Atá
deamhan ann.
34 Tháinig mac an duine ag ithe &
ag ól, agus a deirthí, Feuch, an duine
craóſach, cara na bpuibliocán agus na
bpeacthach.
35 Achd atá an eagna ar na ſaoradh
ó na cloinn féin uile.
36 Agus do iarr duine áirighe dó na
phairiſineachaibh air, [bíadh] ithe na
fhochair. Agus ar ndul a ſdeach go
tigh an phairiſinigh dhó, do ſhuidh ſé
ſíos chum bídh.
37 Agus féuch, an tráth fúair bean
don chathraigh, do bhí na peacthach,
a fhios go raibh ſé na ſhuidhe ag bíadh
a dtigh an Fhphairſinigh, tug ſí bosa
ola lé.
38 Agus ar ſeaſamh agá choſuibh don
táobh ſhíar dhe ag gul, do thionnſgain
ſí a choſa dionnladh lé na déuraibh, &
a dtiurmughadh lé gruáig a cinn, agus
do phóg ſí a choſa, agus do ong ſí leis
an ola ſiad.
39 Agus an tan do chonnairc an phair
riſineach tug an cuireadh dhóſan ſin, do
ſmuáin ſé na inntinn, ag rádh, Dá madh
fáidh an fearſo, daithnéochadh ſé, cía, a-
gus gá hionnus an bheanſo bheanus ris,
óir as peacthach í.

40 Agus

40 Agus ar bhfreagra Díoſa a dubhairt
ſé ris ; A Shimóin, atá ní agam ré rádh
riot : agus a dubhairt ſeiſion ; A mhaigh-
iſdir, abuir rombad.
41 Do bhádar días dféitheamhnuibh
ag fear áirligthe do thabhairt úadh, do
dhligh ſé cúig chéad pighinn dfior aca,
agus ciogad don dara fear.
42 Agus an tráth nach raibh díolui-
gheachd ag ceachdar dhíobh ré na tha-
bhairt dó, do mhaith ſé dhóibh aráon :
uime ſin innis damhſa, cía aca lér ab ann-
ſa é ?
43 Agus ar bhfreagra do Shimón a du-
bhairt ſé ; Meaſuim gur leis an té dhár
mhaith ſé an tſuim as mó. Agus a du-
bhairt ſeiſion ris, As maith an bhreath
rug tú.
44 Agus ar bhfilleadh dhó chum na
mná, a dubhairt ſé ré Símón ; an bhfaic-
eann tú an bhean ſo ? tháinic miſi a
ſdeach dod thighſi agus ní thug tú uiſgi
chum mo chos díonladh, achd do nigh an
bhean ſo mo choſa lé na déuruibh, & do
thiormuigh ſí iád lé grúaig a cinn.
45 Ní thug tuſa póg dhamh : achd ó
tháinig mé a ſdeach, níor choiſg ſiſi do
phógadh mo chos.
46 Níor ong tú mo cheann lé hola,
achd do ong an bhean ſo mo choſa ré
hionnmhenn t.
47 Ar a nadhbharſin a deirim riot, Go
bhfuilid a hiomad peacaidh ar na mai-
theamh dhi : óir as mór do ghrádhuigh
ſí. Achd gidh bé dhá maithtear beagan
as beag ghrádhuigheas ſé.
48 Agus a dubhairt ſé ría ; Atáid do
pheacuidh ar na maitheamh dhuit.
49 Agus do thionnſgnadar an líon do
bhí na ſuidhe na fhochair air an mbórd,
a rádh ionnta féin, Cía an fear ſo maitheas
na peacuidh ?
50 Agus a dubhairt ſé ris an mnáoi ;
Do ſhlánuigh do chréideamh thú, imthigh
a ſíothcháin.

C A I B. VIII.

*Na mná do chaith a maóin re Criosd. 4 le Co-
ſamhlacht um an tſioladoir, 22 &
mirbhuileadh Jóſa mhic Dè.*

AGus tárla na dhiáigh ſo, gur ſhiobhuil
feiſean tré gach cathair, & gach
baile, ag ſeanmórughadh, agus ag ſoiſ-
géulughadh ríoghachda Dé ; agus an dá
fhear dhég na fhochair :
2 Agus mná áirighe do leigheaſadh ó
dhroichſpioraduibh, agus ó eaſláintibh,
Muire dá ngoirthí Mhagdalén, as a
ndeachadar ſeachd ndeamhain,
3 Agus Joanna bean Chúſa fheadh-
mannaigh Joráaith, agus Suſanna,
agus morán eile do chaith riſean dá
maóin féin.
4 Agus an tan do chruinnigh buí-
dhean mhór, agus tangadar as gach uile
chathruigh chuigeſion, do labhair ſé a
gcoſamhlachd [riú.]
5 Do chúaidh ſioladóir áirighe amach
dó chur a ſhíl féin ; agus ag cur an tſíl
dó, do thuit cuid de chois na ſli-
gheadh, agus do brughadh fá choſaibh
[dáoine] é, agus dúadar énlaith a nai-
éir é :
6 Agus do thuit cuid eile ar char-
raic, agus ar bhfás dó, do ſhearg
ſé, do bhrígh nach raibh taiſleach
aige :
7 Agus do thuit cuid eile a measg
deilgnigh : agus ar bhfás don deilg-
neach a náoinfheachd ris, do thachd-
adar é :
8 Agus do thuit cuid eile a dtalamh
mhaith : agus an tan do fhás ſé, tug
ſé toradh céadach úadh. [Agus] ar na
rádh ſo dhó, do éigh ſé, gidh be agá
bhfuilid clúaſa chum éiſdeachda, éiſ-
deadh ſé.
9 Agus do fhiáfruigheadar a dheiſ-
ciobuil de, ag rádh, Créd é an choſamh-
lachdſin ?
10 Agus a dubhairt ſeiſean : Is dáoibhſi
tugadh rúndiamhra ríoghachda Dé daith-
nioghadh, achd do chách eile a cco-
ſamhlachduibh, ionnus ag faicſin dóibh
nach bhfaicfidís, agus ag cluinſin dóibh
nach dtuigfidís.
11 Ag ſo an choſamhlachd : a ſé an
ſíol, briathar Dé :
12 Agus an dréam úd chois na ſligh-
eadh, á ſiad éiſdeas : na dhiáigh ſin tig
an díabhal, agus tógbhuidh ſé an
bhriáthar as a gcroidhe, deagla go
gcreidfidís, agus go ſláinéochthaoi
iád.
13 Agus an dream úd air an gcar-
ruic, an tan do chluinid, gabhuid chuca
an briathar maille lé gáirdeachus : achd
ní bhfuil fréumh aca ſo, noch chreideas
feadh tamuill, agus fhilleas ar a mais a
naimſir an chathaighthe.
14 Achd an ní úd do thuit a meaſg
na ndeilgneach, a ſiad ſo do éiſd ;
achd ar nimtheachd dóibh, múchtar iad
lé cúram, agus lé ſaidhbhreas, agus lé
ſáimhe na beatha, agus ní tachruid to-
radh ſiatha.
15 Achd an ní [do thuit] ann ſa ta-
lamh mhaith, a ſiad ſúd éiſdeas ris an
mbreithir, agus chungmhas é a gcroidhe
ſhocraidh mhaith, agus do bheirid to-
radh ſiatha a bhfoighid.
16 Achd ní bhfuil neach ar bith la-
ſas coinneall, fholchas fáoi ſhoightheach
í, ná chuireas fáoi leabuidh í : achd cuir-
idh ſé a gcoinnleóir í, do chum go bhfaic-
feadh an luchd théid a ſdeach, an ſolas.
17 Oir ní bhfuil éin ní ſoluightheach,
nach déuntar ſollas : na ſecréideach, nach
bhfuighthear a fhios, agus nach dtioc-
faidh chum ſoillſi.
18 Ar a nadhbharſin tabhruidh bhur
naire ribh cionnas éiſdeas ſibh : oir gidh
bé

bé neach agá bhfuil, is dó do bhéarthar
agus gidh bé neach ag nach bhfuil,
béarthar úadh an ní fós shaoiltear do
bheith aige.
19 Agus tangadar a mhathair agus
a dhearbhraithreacha chuige, agus níor
bhéidir leó dul a ngar dhósan ón
tslúagh.
20 Agus do hinnisíeadh dhó, ag
rádh : Atá do mhathair agus do dhear-
bhraithreacha na seasamh a muigh ag
iarruidh tsaicsin.
21 Agus ar bhfreagra dhósan a du-
bhairt sé riú ; A siád so mo mhathairse,
& mo dhearbhráithreacha, noch éisdeas
briathar Dé, & do ní dá réir.
22 Agus tárla lá áirighe go ndea-
chaidh seisean agus a dheisciobuil a
luing : agus a dubhairt sé riú, Déanam
ar an táobh úd a nunn don loch. Agus
do sdiúradar rompa.
23 Agus ag luingseòrachd dóibh do
thuit a chodladh airsean: agus do éi-
righ sdoirm ghaoithe ar a loch: agus
do líonadh súas íad, agus do bhádar
a ngábhadh.
24 Agus ar ndol chuigesean dóibh do
dhúisgeadar é, ag rádh ; A mhaighisdir,
a mhaighisdir, a támaoid ar fágbháil.
Agus ar néirghe dhósan do bhagair sé ar
an gaoith agus ar thonnghail a nuisge :
agus do choisgeadar, águs tainic ciúnas
ann.
25 Agus a dubhairt sé riú, Cáit a
bhfuil bhar gcreideamh? & ar mbeith
air crith le heagla dhóibhsion do ghabh
iongnadh iád,ag rádh ré chéile; Cia hé so,
a deir ris na gáothaibh, agus ris a
nuisge fós bheith na dtochd, agus umhlui-
ghid siad dó?
26 Agús do rinneadar loingseórachd
go crich na Ngadarénach, atá as co-
mhair na Galilé a nunn.
27 Agus ar ndol a dtír dhósan, tárla
óglach áirighe as an gcathruigh air, ann
a rabhadar deamhuin re haimsir fhada,
agus ag nach bíodh éadach uime, agus ní
comhnuigheadh sé a dtigh achd an sna
tuámaidhibh.
28 Agus ag faicsin Iósa dhó, agus
ag éighmhe, do theilg sé e féin síos aga
chosaibh, agus a dubhairt sé do ghuth
árd : Créd é mo chuidsi dhiót a Iósa a
mhic Dé ro áird ! iarruim ort gan mo
phiánadh.
29 Oir do aithin sé don spiorad
neamhghlan dol as a nduine: Oir is iom-
dha uair do bheireadh sé síothadh air :
agus do ceangluidh le slabhraidhibh agus
do coimhéaduidh lé geimhleachuibh é :
agus ar mbriseadh na gcuibhreach dhósan
do thiománadh an deamhan fá na
fásaighibh é.
30 Agus dfiarfuidh Iósa dhé, ag
rádh, Créd is ainm dhuit? agus a dubh-
airt seision, Léighión : do bhrígh go ndea-
chádar mórán deamhan a sdeach ann.
31 Agus diárradar air gan a chur
dfiachaibh ortha dul ann sa dubhaigen.
32 Agus do bhí tréd mór muc ann
sin ag inghilt ar a tsliabh: agus diár-
radar air a léigean dóibh dul ionnta :
agus dfulaing seision sin dóibh.
33 Agus ar ndul do na deamhnuibh as
a duine, do chúadar ann sna mucaibh :
agus do rith an tréd muc ris a naill ann
sa loch, agus do múchadh iád.
34 Agus an tráth do chonncadar na
háodhairidhe an ní do rínneadh ann, do
theitheadar : agus ar nimtheachd
dóibh, dinnseadar [sin] ann sa chath-
ruigh agus ar na machairibh.
35 Agus do chúadarsan amach dféa-
chain an neithe do rinneadh : agus tan-
gadar dionnsuighe Iósa, agus fúaradar
an duine as a ndeachadar na deamhuin
ar na éadughadh, agus é ar deaghcheill
na shuidhe ag cosaibh Iósa, agus do
ghabh eagla iád.
36 Agus an dream do bhí dhá
fhéachain, dinnsigheadar dhóibhsion,
cionnas do slánaigheadh an tí iona ra-
bhadar na deamhuin.
37 Agus diárradar luchd chríche na
Ngadarénach uile airsion, imtheachd
úatha, oír do bhí eagla ro mhór orrtha:
agus ar ndol dósan ann a luing dfill sé
tar ais.
38 Agus diárr an fear as a ndea-
chadar na deamhuin air, é féin do bheith
na fhochair : achd do léig Iósa úadh é,
ag rádh,
39 Fill dod thigh féin, agus innis
méud na neitheann do rinne Dia dhuit.
Agus do imthigh seision ar feadh na
caithreach uile, ag innisin créd iád na
neithe do rinne Iosa dhó.
40 Agus tárla an tan do fhill Iósa tar
ais, gur ghabh an slúagh chuca é: oír
do bhádar uile ag feitheamh ris.
41 Agus féuch, táinic neach áirighe
dar bhainm Iáirus do bhí na úachdarán
ar a Tsinagóig ; & an tan do shléuchd
sé ag cosaibh Iósa, diárr sé dathchuin-
ghidh air,dul leis dá thigh féin.
42 Do bhrígh go raibh éinghein in-
ghine aige timcheall a dá bhliadhan dég,
& í faghbháil bhais. Achd ar mbeith ag
imtheachd dhó do bhí an slúagh dha
bhrughadh.
43 Agus bean do bhí a bhfluxa fola
dá bhliadhuin dég, agus do chaith a
raibh aice le leaghaibh, agus nar bhéidir
le heinneach a leigheas;
44 Do chúaidh sí táobh shiar dheision,
agus do chumail sí ré himeal a bhruit :
agus do sguir a dórtadh fola ar an mball.
45 Agus a dubhairt Iósa, Cia so do
bhean rium? agus ar na shéana do chách
uile, a dubhairt Peadar, & an dream do
bhí na fharradh ; A mhaighisdir, atá an
slúagh ad bhrughadh, & ad phlúchadh,
agus a nabair tú, Cia bhean rium :
46 Agus a dubhairt Iósa, Do bhean
duine éigin riom : Oir do mhothuigh mé
subhailce dul asam.
47 Agus an tráth do chonnairc an
bhean

bhean gur hairigheadh í, táinic ſi ar
crith, & ag ſléuchdain dóſan, dfoillſigh
ſi dhó a bhfiadhnuiſi an phobuil uile créd
é an tadhbhar far chumail ſí ris, agus
ionnus do leigheaſadh í ar mball.
48 Agus a dubhairt ſeiſean ría;
Bíodh muinighin mhaith agad, a inghean,
do ſhlánuigh do chreideamh thú: im-
thigh romhad a ſióthcháin.
49 An feadh do bhí ſeiſion ag la-
bhairt, táinic neach áirighe ó úachdarán
na Sinagóge, da rádh ris: Fúair hin-
ghean bás: ná cuir buaidhreadh ar an
maighiſdir.
50 Agus ar na chluinſin [ſo] Díoſa,
do fhreagair ſé é, ag rádh; Na
bíodh eagla ort: créid amhain, agus
ſlánoóchthar í.
51 Agus ar ndul a ſdeach don tigh
dhó, níor fhuiling ſé neach ar bith do
dul a ſdeach, achd Peadar, & Séumus,
agus Eóin, agus athair agus máthair an
chailín.
52 Agus do bhádar cách uile a gul, &
dá caoineadhſa: achd a dubhairt ſeiſion,
Ná gulidh: ní bhfuil ſí marbh achd
na codladh.
53 Agus do rinneadarſan fonomhad
faoi, tré go raibh a fhios aca go raibh
ſi marbh.
54 Agus ag cur cháich uile amach
dhóſan, agus ag breith ar a láimh, do
éigh ſé ag rádh; A chalín éirigh.
55 Agus táinic a ſpiorad a rís innte,
agus déirigh ſí ar an mball: agus do
áithin ſé bíadh do thabhairt dí.
56 Agus do ghabh úathbhás a hathair
agus a mathair: gidheadh do áithin
ſeiſion díobh gan an ní do rinneadh
dinniſin do dhuine ar bith.

C A I B. IX.

Air na ccos do chrathadh anaghaidh dhaoine do theagaiſc. 51 Gan bhéith dioghaltach. 57 & gan Chríoſd do leanmhuin ar ſcàth ſeimhe, nó arſon éadala & onoir.

AGus ag gairm a dhá dheiſciobal
dég dhó, tug ſé neart & cumhachda
dhóibh ar na huile dheamhnuibh, agus
ar eaſláintibh do leigheas.
2 Agus do chuir ſé iád do ſheanmoír
ríoghachda Dé, agus do leigheas na
ndaoine eaſlán.
3 Agus a dubhairt ſé riú, Ná beiridh ní
ar bith libh chum na ſligheadh, bataighe,
ná tiách lóin, ná arán, ná airgead: ná
bíodh dá chóta aguibh.
4 Agus gidh bé ar bith teach an a
rachtáoi a ſdeach, gur ab ann ſin fhan-
ſaoi, & gur ab as rachtáoi amach.
5 Agus gidh bhé nach geubhuidh chuca
ſibh, ar bhfagbháil na caithreachaſin
dáoibh, craithidh fós an luaithreabhán
dá bhur gcoſaibh mar fhiadhnuiſi na
naghaidh.
6 Agus do imthigheadarſan, agus do
ghabhadar timcheall na mbailteadh ag
déanamh ſeanmóra agus ag leigheas ann
gach uile bhall.
7 Agus do chualaidh Iorúaith an Té-
trarca gach uile ní dá ndearnaidh ſei-
ſion, agus do bhí ſé a namharus, do
bhrigh go ndubhradar dáoine áirighe,
gur éirigh Eóin ó mharbhuibh.
8 Agus dáoine eile, Gur fhoillſigh
Elias é féin; & dáoine eile, Gur eiſéirigh
fáigh éigin do na ſeanfháighibh.
9 Agus a dubhairt Iorúaith, Do bhean
miſi a cheann Deóin: agus cia hé ſo ar
a gcluinim a leithéde ſo? agus díarr ſé
eiſion dfaicſin.
10 Achd ar bhfilleadh do na habſdal-
uibh dinnſeadar dhóſan gach ní dhá
ndearnadar, & ar na mbreith leis dó,
do chuaidh ſé fa leith ar fháſach na
caithreacha dá ngoirthear Betſaida,
11 Agus an tan do aithin an pu-
bal ſin, do leanadar é: agus ar na
ngabháil chuige dhó, do labhair ſé riú a
dtimcheall ríoghachda Dé, agus do
ſhlánaigh ſé an chuid díobh ar a raibh
úireasbhuidh leighis.
12 Agus do bhí an lá ag dol tháirſe;
agus tangadar an dá fhear dhég chui-
geſion, agus a dubhradar ris, Léig uáit
an ſlúagh ionnus go niméochaidís fa na
bailtibh, agus fan tír do leathnughadh,
agus dfaghail bidh: óir a támáoid ann
ſo a náit fháſamhail.
13 Achd a dubhairt ſeiſion riú, Tabh-
ruidhſi ní lé na ithe dhóibh. Agus a
dubhradarſan, Ní bhfuil ní is mó aguinn
ná cúig aráin, agus dá íaſg, achd
muna dteimis do cheannach bídh don
phobal ſo uile.
14 Oír do bhádar a dtimcheall chuig
míle fear: achd a dubhairt ſeiſión ré na
dheiſciobluibh, Cuiridh na ſuidhe iád na
gcaogadaibh agus na gcáogadaibh.
15 Agus do rinneadarſan amhlaidh, &
do chuireadar na ſuidhe iád uile.
16 Agus ar ngabháil na gcúig
narán agus an dá íaſg dhóſan, agus
ar bhféachain ſúas ar neamh, do
bheannuigh ſé iád, agus do bhris ſé,
agus tug ſé dhá dheiſciobluibh [iád]
do chum go gcuirfidís a bhfiadhnuiſi an
phubail [iád.]
17 Agus a duádar, agus do ſaſai-
gheadh iad uile: agus do tógbhadh dhá
chliabh dhég do bhíadh bhriſde do bhí
dfuighioll aca.
18 Agus tárla an tan do bhi ſé na
áonar ag déanamh urnuighe, go rabhadar
a dheiſciobuil na fhochair: agus gur
fhiafruidh ſé dhíobh, ag rádh; Créd a
deir an ſlúagh, cía miſi?
19 Agus do fhreagradarſan agus a
dubhradar; Eóin baiſde: & cuid eile
Elias: agus cuid eile, gur éirghe fáigh
éigin do na ſeanfháighibh a rís.
20 Agus a dubhairt ſeiſion riú, Achd
créd a deartháoiſi, cía mé? agus ar
bhfreagra do Pheadar a dubhairt ſé:
Críoſd Dé.
21 Agus ar ndéanamh bagair orrtha
dhó, do aithin ſé dhíobh gan ſo dinniſin
do dhuine ar bith:

22 Ag

22 Ag rádh gur ab éigin do mhac an duine mórán dfulang, agus a dhiultadh ó na ſinnſearuibh, agus ó úachdaránuibh na ſagart, agus ó na ſgríobuidhibh, agus bás dfulang, agus éirghe an treas lá.

23 Agus a dubhairt ſé riú uile; Madh áill ré héinneach miſi do leanmhuin, diultadh ſé dhó féin, agus tógbhadh ſé a chros gach láoi, agus leanadh ſé miſi.

24 Oir gidh bé lér ab áill a anam do ſhlánughadh, caillfidh ſé é: agus gidh bé chaillfeas a anam ar mo ſhonſa, a ſé ſo ſhláineochas é.

25 Oir créd é a tharbha do dhuine dá ngnoghuigheadh ſé an domhan uile, agus go gcaillſeadh ſé, nó go léigfeadh ſé a mugha é féin?

26 Oir gidh bhé le budh nár miſi agus mo bhriathra, budh nár le mac an duine eiſion, an tráth thiocfas ſé ann a ghloír féin, agus athar, agus na naingeal náomhtha.

27 Agus a déirim ribh go fírinneach, Go bhfuilid cuid don mhuintirſi atá a láthair ann ſo, nach blaisfidh bás nó go bhfaicfid rioghachd Dé.

28 Agus tárla, a dtimcheall ochd lá tar éis na mbriatharſa, ar mbreith Pheadair, agus Eóin, agus Shéumuis leis dò, go ndeachaidh ſé ſúas ar ſhliabh do dhéanadh urnuighe.

29 Agus tárla ag déanamh urnuighe dhó, gur hathruigheadh fioghair a aighthe, agus go ndearnadh a éadach geal dealruigheach.

30 Agus féuch, do bhádar días fear ag comhrádh ris, mar atá Máoiſi agus Elias.

31 Noch do chonncas a ngloír, agus dfoillſigh a bhás, do fhuileongadh ſé a Niaruſalem.

32 Agus do bhí codladh trom ar Pheadar agus ar a ndroing do bhí na fharradh, agus an tan do dhúiſgeadar, do chunncadar a ghloirſion, agus an días fear do bhí na ſeaſamh na fhochair.

33 Agus tárla agá fhagbháil doibh, go ndubhairt Peadar ré Hioſa, A mhaighiſdir, is maith ſinne do bheith ann ſo: agus déanam trí botha, both dhuitſi, agus both do Mháoiſi, agus both Dhelías: gan fios aige créd a dubhairt ſé.

34 Agus an tan a dubhairt ſé ſo, táinic néull agus do theilg ſé ſgáile orrtha: & do ghabh eagla iadſan an tan do chuádar ann ſa néull.

35 Agus táinic guth as a néull, ag rádh: Ag ſo mo mhac grádhachſa, éiſdigh ris.

36 Agus ar teachd don ghuthſin, do frioth Ióſa na áonar: agus do bhádarſan na dtochd, agus nior innſiodar dáonduine ann ſna laéthibhſin ni ar bith dhá bhfacadar.

37 Agus tárla an lá na dhiáighſin, ar ndul ſios don tſliabh dhoibh, go dtárla ſluagh mór airſion:

38 Agus féuch, do éigh neach don tſluagh, ag radh; A mhaighiſdir, iarruim ort, féuch ar mo mhac: óir a ſé méinghein é.

39 Agus féuch, beiridh an ſpiorad air, agus éimhigh ſé go hobann, agus tairrngidh ſé as a cheile é, ag cur chubhair amach, agus is ar éigin fhágfas ſé é tar éis a chombmbrúghadh.

40 Agus diárr mé ar do dheiſcioblaibhſi a cur as: achd níor fhédadar.

41 Agus ar bhfreagra Dioſa a dubhairt ſé; A chineadh míchreidmheach, claon, gá ſad fós bhiás mé eadruibh, & fhuileongas mé ſibh? tabhuir do mhac leachd ann ſo.

42 Agus ag teachd chuige dhó, do bhúail an deamhan ſan talamh é, & do tharruing ſé as a cheile é: achd do imdhearg Ióſa an ſpiorad neamhghlan, agus do leighis ſé an leanabh: agus thug ſé dhá athair féin é.

43 Achd do ghabh úathbhás cách uile trí mhórdhachd Dé. Agus ar mbeith ag déanamh iongantus dóibh uile ann gach uile ní da ndearnuidh Ióſa, a dubhairt ſé ré na dheiſcioblaibh.

44 Taiſgidh na briathraſa ann bhar gcluaſaibh: óir tiocfuidh chum críche go dtiobharthar mac an duine a lámhuibh na ndaóine.

45 Achd níor thuigeadarſan an combrádhſa, agus do bhí ſé ar na fholach úatha, ionnas nar airigheadar é, agus do bhí eagla orrtha ceiſd do chur airſion a dtimcheall an chombráidh ſin.

46 Agus déirigh dioſpóireachd eatarra, Cia dhíobh féin budh mó.

47 Agus ar bhfaicſin ſmuaintighe a gcroidhe Dioſa, do ghabh ſé leanabh chuige agus do chuir ſé na aice féin é,

48 Agus a dubhairt ſé riú; Gidh bhé ghéubhas chuige an leanabh ſo a mainmſi, is miſi ghabhas ſe chuige: agus gidh bhé ghéubhas miſi chuige, gabhaidh ſé chuige an té do chuir úadh mé: Oir gidh bhé is lugha eadruibhſi uile, biaidh ſe mór.

49 Agus ar bhfreagrà Deóin a dubhairt ſé; A mhaighiſdir, do chunncamaine duine áirighe ag teilgean deamhan amach ad ainmſi, & do thoirmeaſgamar é, ar ſon nach leanann ſé dhínne.

50 Agus a dubhairt Ióſa riu; Ná toirmeaſguidh é: oir gidh bé nach bhfuil ar naghuidh, atá ſé linn.

51 Agus tárla an tan do coimhlíonadh laéthe a nglacfuidh ſúas é, gur chuir ſé roimhe dul go Hiáruſaléim.

52 Agus do chuir ſé teachdairighe roimhe: agus ar nimtheachd dóibh do chuadar a ſdeach a mbaile na Samáritánach, do chum go ndéanaidis ullmughadh roimheſion.

53 Achd níor ghabhadarſan chuca é, ar ſon go raibh a aghaidh mar bhiadh ſé dul go Hiáruſalém.

54 Agus an tráth do chuncadar a
dheisciobuilsion Séumas agus Eóin Io, a
dubhradar; A Thighearna, a naill leachd
go nabramaois teine do theachd a nûas ó
neamh dá losgadh súd, mar do rinne
Elias leis?
55 Agus ar gcasadh orrtha Díosa, do
imdhearg sé iad, agus a dubhairt sé; Ní
bhfuil a fhios aguibh, créd é an spiorad
dhár de sibh.
56 Oir ní tháinic mac an duine do
sgrios anmann na ndáoine, achd dá slánu-
ghadh. Agus do chúadar as sin go baile
eile.
57 Agus tárla ar nimtheachd dóibh,
go ndúbhairt neach áirighe rision ar a
slighe; Leanfuidh misi thú, gidh bé háit
ann a racha tú, a Thighearna.
58 Agus a dubhairt Iósa ris; Ataid
fachaisighe ag na sionnchaibh, & neid
ag éanlaith a naiéir: achd ní bhfuil áit
ag mac an duine ann a gcurseadh sé a
cheann faoi.
59 Agus a dubhairt sé ré neach eile;
Leansa misi: achd a dubhairt seision; A
Thighearna, leig dhamh imtheachd ar
tús agus mathair daghlacadh.
60 Achd a dubhairt Iósa ris; Leig do
na marbhuibh a mairbh féin daghlacadh:
achd imthighsi, agus déana ríoghachd
Dé do fheanmoir.
61 Agus mar an gcéadna a dubhairt
neach eile; Leanfuidh misi thú, a Thigh-
earna. Achd leig dhamh ar tús, mo
chead do ghabháil ag am mhuintir.
62 Achd a dubhairt Iósa ris; Gidh
bé nach chuireas a lámh ar an gcéuchd,
agus fhéachas na dhíaigh, ní bhfuil sé
iomchubhaidh do ríoghachd Dé.

CAIB. X.

Adhbhar aoibhnis na 70 disciobal; 23 gur mairbhsan gach diol trúaighe; 41 & clú Mhuire osciomn Mhartha.

AGus na dhiáigh so, dórduigh an Ti-
ghearna mar an gcéadna deithnea-
bhar agus trí fichid eile, agur do chuir
sé na ndís agus na ndís roimhe féin iád
dá gach uile chathruigh agus ionadh ann
a raibh a theachd.
2 Ar a nadhbharsin a dubhairt sé
riú; Is mór an fóghmhar, achd is beag
an luchd oibre: uime sin guidhidh Tigh-
earna an fhoghmhuir, luchd oibre do
chur amach chum a fhóghmhair féin.
3 Imhighidh, féuch, ataimse dá bhur
gcur uaim mar úana a mealg mhadradh
allta.
4 Ná biomchruidh sbarán, ná tiach
loin, ná bróga: agus ná beannaighidh
do neach ar bith sa tslighe.
5 Agus gidh bé tigh ioua rachtáoi a
steach, abruidh ar tús, Go raibh síoth-
cháin don tighse.
6 Agus má bhionn mac na síothchána
annsin, do dhéanuidh bhur síothcháinsi
comhnuighe air: achd muna [raibh],
fillfidh sí chugaibh féin a rís.
7 Agus fanaidh an sa tighsin ag ithche
agus ag ól na neitheann atá aca: óir is
fiú an toibrigh a thuárasdal. Ná himi-
ghidh ó thigh go tigh.
8 Agus gidh bé cathair ann a rachtáoi
a steach, agus go ngéubhaid siád sibh,
ithidh na neithe chuirfid siád ann bhar
bhfiadhnuisi.
9 Agus slánaghaidh na heaslain bhias
innte, agus abruidh riú, Do dhruid
ríoghachd Dé ribh.
10 Agus gidh bé cathair ann a rach-
táoi a steach, agus nach gêubhuid siád
sibh, ar nimtheachd dáoibh amach ar na
sraîdibh, abruidh:
11 Craithmid dhinn an bhur naghaidh
go fiú an luaithridh do lean dinn as bhur
gcathruigh: achd cheana bíodh a fhios
so aguibh, gur dhruid ríoghachd Dê ribh.
12 Agus a deirim ribh, Go madh
socamhluighe do na Sodomachaibh an lá
úd ná don chathraighsin.
13 Is anáoibhinn duit a Chorásin, is
anáoibhinn duit a Bhetsáida: oír dá
madh a Dtirus & a Sidon do dhéantáoi na
miorbhuile do rinneadh ionnaibhsi, is
fada ó do dhéanaidís aithrighe na suidhe
a néadach roin, agus a luaithreagh.
14 Ar a nadhbharsoin budh socamh-
luighe do Thírus agus do Shidon ann sa
bhreitheamhnus na dháoibhsi.
15 Agus tusa a Chapernáum atá ar
do thógbháil súas go neamh, teilgfidh-
thear síos go hifearnn thú.
16 Gidh bé éisdeas ribhsi, is riomso
éisdeas sé: agus gidh bé bheir neimh-
chion oruibhsi, is oramsa do bheir sé
neimhchion: agus gidh bé bheir neimh-
chion oramsa, is ar an té do chuir úadh
mê do bheir sé neimhchion.
17 Agus do fhilleadar an deithnea-
bhar agus tri fichid maille lé gáirdeachas
ag rádh; A Thighearna, atáid na dea-
mhuin féin fa smachd aguinne tréd
ainmsi.
18 Agus a dubhairt seision riu; Do
chonnairc mé Sátan mar theinnteach ag
tuitim ó neamh.
19 Féuch do bheirim dhíbh cumh-
achda saltairt air na haithreachaibh
nimhe agus ar na scorpiónuibh, agus ar
uile neart namhad, agus ní ghoirteó-
chaidh éin ní sibh.
20 Achd cheana na bíodh gáirdeachas
oraibh ar son go bhfuilid na spioraidi-
dhe fá bhur smachd: achd go madh mó
bhiás gairdeachas oruibh fá go bhfuilid
bhur nanmanna sgríobhtha ar neamh.
21 Ar a núairsion féin do ghabh
gáirdeachas iona spioraid Iósa, agus a
dubhairt sé: Do bheirim buidheachas
duit a athair, a Thighearna neimhe agus
talmhan, trí gur fholuigh tú na neithesi
ó dháoinibh eagnuidhe agus glioca, agus
gur nochd tú iád do naoidheanánuibh;
a seadh athair, tré gur ab mar sin do
budh toil leachd féin é.
22 Atáid na huile neithe ar na dta-
bhairt dhamhsa óm athair: agus ní
bhfuil

bhfuil a fhios ag éinneach ciá hé an mac, achd ag a nathair: agus ciá hé an tathair, achd ag an mac, agus an té dá dtoigéora an mac à nochdughadh.

23 Agus ar bhfilleadh chum a dheisciobal, a dubhairt sé fá leith riú, Is beannaighthe na súile do chí na neithe do chithisi.

24 Oir a deirim ribh, Gur ab iomdha fáighe agus righthe lér mhián na neithe do chithisi dfaicsin, & ní fhacadar: & na neithe do chluintí do chluinsin agus ní chúaladar.

25 Agus féach, dóirigh fear dlighe áirighe na sheasamh, ag cur chathaighthe airsion, agus ag rádh: A mhaighisdir, créd do dhéana mé ionnus go bhfuighinn an bheatha mharthannach doighreachd?

26 Achd a dubhairt seision ris; Créd a tá sgríobhtha ann sa dligheadh? cionnas léaghas tú?

27 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé; Gráidheochuidh tú do Thighearna Día féin as do chroidhe uile, agus as tanam uile, & as do bhríoghuibh uile, agus as da smúaintighthibh uile: agus do chomharsa mar thú féin.

28 Agus a dubhairt seision ris, As díreach do fhreagair tú. Déanasa so, agus mairfidh tú.

29 Achd ar mbeith dhósan fonnmhar a fhiréantachd féin da thaisbéanadh, a dubhairt sé re Híosa; Maseadh ciá hé mo chomharsa?

30 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt se; Do chúaidh duine áirighe síos ó Jérusalém go Jérico, agus tárla a measg bhiothamhnach é, do shlad agus do loit é, agus do imthigh rompa ar na fhagbháil leathmharbh.

31 Agus tárla tré chinneamhain gur ghabh sagart áirighe síos sa tslighe sin: & ar na fhaicsinsion dó, do ghabh sé thairis don táobh eile don tslighe.

32 Agus mar an gcéadna Leuita a teachd chum a nionaid sin, ar na fhaicsin dó, do ghabh sé tháiris don táobh eile.

33 Agus ar mbeith ag gabháil na slígheadh do Shamaritánach áirighe, tháinic sé mar a raibh seision, & ar na fhaicsin, do ghabh truáighe ghér dhó é.

34 Agus ar ndrud ris do cheangail sé a chneadha, ag dórtadh ola agus fíona ionnta: agus ar na chuir air a ainmhidhe féin dó, rug sé leis go tigh ósda é, agus do ghabh sé cúram na thimcheall.

35 Agus ag imtheachd dó lá ar na mhárach, do bhean sé dá phighinn amach & tug sé don ósdoir iád, agus a dubhairt sé ris; Biodh cúram agad fan fhearso: & gidh bé chaithfeas tú as a chionn so, an trath fhillfeadsa, do bhéara mé dhuit é.

36 A nois cía don triúrsa bhreathnaigheas tusa do bheith na chomharsain ag an ti úd thárla a measg na mbiothamhnach?

37 Agus a dubhairt seision, An tí ad do rinne trocaire air. Ar a nadhbharsoin a dubhairt Iósa ris: Imthighsi, agus déana mar an gcéadna.

38 Agus tárla ag imtheachd dóibh, go ndeachaidh seision go baile áirighe; agus go rug bean áirighe dar bh[illegible] Martá dá tigh féin é.

39 Agus do bhí deirbhshiúr aice dá ngoirthí Muire, agus ar suidhe dhi ag cosaibh Iósa, do bhí sí ag éisdeachd [illegible] na bhríathraibh.

40 Agus do bhí Martá lán do chúram le hiomad friotholnimh: agus ag seasamh dhi a dubhairt sí: A Thighearna, an é nach meisde leachd mar dfág mo dheirbhshiúr misi am áonar ag friotholamh? ar a nadhbharsin abair riá cungnamh riom.

41 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ría: A Mhartá, a Mhartá, atá tú ro chúramach agus buaidhridh tú thú féin fá mhóran do neithibh:

42 Achd cheana ein ni a mháin atá riachdanach: rug Muire an chuid mhaith do roghain, nach béarthar úaithe.

CAIB. XI.

Shéol Críosd do bheith gnathach, seasmhach a nguidhe. 28 & gur coimhed bhriathar Dé, do ni beannuighthe, & nach sčáil cbr[illegible]

AGus tárla an tan do bhí sé ag déanamh urnuighe a náit áirighe, mar do sguir sé, go ndubhairt [illegible] áirighe dá dheisciobluibh ris; A Thighearna múin duinne urnuighe do dhéanamh, amhail agus mar do mhúin Eóin dá dheisciobluibh féin.

2 Agus a dubhairt seision riu; An úair do dhéantáoi urnuighe, abraidh: Ar nathair atá ar neamh, náomhthar hainm: tigeadh do rioghachd: déantar do thoil ar an talamh, mar atá ar neamh.

3 Ar naran laétheamhuil tabhair dhúinn gach láoi.

4 Agus maith dhúinn ar bpeacaigh, óir maithmidne da gach àon air a bhfuil fiacha aguinn: agus na leig sinn a ccathughadh, achd sáor inn ó olc.

5 Agus a dubhairt sé ríu, Cía agaibh agá mbíadh cara, agus go rachadh sé chuige a meadhón oidhche, agus go naibeóradh sé ris; A chara, tabhair trí harain damh air iásachd:

6 Oir tháinic cara dhamh as a tslighe am ionnsuighe, agus ni bhfuil éinni agam do chuirfinn na fhiadhnuisi?

7 Agus go bhfreigeóradh seision a sdigh, agus go naibeóradh sé: Ná cuir buaidhreadh oram: atá glas air á ndorus a nois, & ataid mo chlann am fhochair sa tseómra: ni fhéaduim éirghe agus a dtabhairt dhuit.

8 A deirim ribh, ar néirghe dhó, dá mbeith nach dtiobhradh sé sin úadh, ar son gur chara dhó é: gidheadh go firinneach ar son a liosdachda do éireóchadh sé, & do bhéaradh sé dhó an mhéid do bhiadh do riachdanus air.

9 Ag[illegible]

9 Agus a deirimsi ribh, Iarraidh &
[illegible] dhaoibh: lurgairigh agus
[illegible] bhthaoi: buailidh an doras, &
[illegible] dhaoibh.
10 Oir gidh bé iarras, glacaidh sé: &
[illegible] do ní lurgaireachd, do gheibh
[illegible] oisgéoltar don té bhuaileas an
[illegible]
11 Agus cia agaibhsi athair ar a niarr-
[illegible] a mhac arán, do bhéaradh cloch
[illegible]? nó dhá niárradh sé iasg, do bhéa-
[illegible] nathair nimhe a nionad éisg dhó?
12 Nó mar an gcéadna dá niárradh sé
[illegible], an dtiobhradh sé scorpión do?
13 Ar a nadhbharsin más eól daoibhsi
[illegible] go holc, tiodhluice maithe
[illegible] thabhairt da bhur gcloinn, an é
[illegible] mó ná sin bhéaras bhur nathairse
[illegible] an Spiorad naomh don druing
[illegible] air é?
[illegible] Agus do bhí sé ag teilgean dea-
[illegible] amach do bhí balbh: agus tár-
[illegible] ar ndul don deamhan amach, gur
[illegible] an balbhán, & do ghabh iong-
[illegible] an sluigh?
[illegible] Agus a dubhairt dream acasan, Is
[illegible] Bheelsebub prionnsa na ndeamhan
[illegible] sé amach na deamhuin.
[illegible] Agus dream eile ag cur chath-
[illegible] air, do iarradar comhartha ó
[illegible] air.
[illegible] Agus ar bhfaicsin a smuaintighthe
[illegible], a dubhairt sé riú, Gach rioghachd
[illegible] roinnte na haghaidh féin, do ni-
[illegible] fásach dhi: agus an tigh bhíos
[illegible] na aghaidh féin, tuitidh sé.
[illegible] Agus mar an gcéadna dá raibh Sá-
[illegible] roinnte na aghaidh féin, cionnas
[illegible] a rioghachd na seasamh? oír a
[illegible] gur ab trí Bheelsebub theilgimsi
[illegible] na deamhain.
[illegible] Agus más trí Bheelsébub sgrio-
[illegible] na deimhuin, cia tré sgriosaid
[illegible] gclannsa iad? ar a nadhbhairsin
[illegible] siadsann na mbhreitheamhnaibh
[illegible].
[illegible] Achd cheana más le méur Dé theil-
[illegible] amach na deamhain, gan chunn-
[illegible] tháinic rioghachd Dé chuguibhsi.
21 An tan choimhéadas duine láidir
[illegible] a chúirt féin, atá a bhfuil aige a
[illegible]chain:
22 Achd an tráth thig duine is neart-
[illegible] ná é, beiridh sé buaidh air, &
[illegible] sé leis a uile armáil ann ar
[illegible] sé a mhuinighinn, agus roinnidh sé
[illegible] éadáil.
23 An té nach bhfuil leamsa, atá sé
[illegible] aghaidh: agus gidh bé nach ccruin-
[illegible] leamsa, scabuighidh sé.
24 An tráth imthigheas an spiorad
[illegible] as duine ar bith, imdhigh
[illegible] ionaduibh tiorma, ag iárruidh suai-
[illegible] & an tráth nach bhfaghann sé
[illegible], a deir sé, Fillfidh mé dom thigh
[illegible] ó dtáinic mé.
[illegible] Agus ar dteachd dó, do gheibh sé
[illegible] sguabadh agus ar na dheaghmhais-
[illegible] é.
26 Imthighidh sé an sin agus beiridh
sé leis seachd spioraide eile is measa ná
é féin, agus ar ndol a sdeach dhóibh, do
níd comhnaidhe ann sin: & is measa
deireadh an duine sin ná a thosach.
27 Agus tárla agá rádh so dhó, gur
árduigh bean áirighe don tsluagh a
guth, agus go ndubhairt sí; As beann-
aighe an bhroinn do iomchuir thú, &
na cíocha do dhiughail tú.
28 Agus a dubhairt seision; Achd as
beannaighe an dream éisdeas briáthar
Dé, agus choimhéudus é.
29 Agus an tan do chruinnidh an sluágh
chuige, do thionsgain sé a rádh; As
olc an cineadh so: iárraidh sé comhar-
tha agus ní tiubharthar comhartha dhó,
achd comhartha Jónas fáidh.
30 Oír amhail dó bhí Iónas na cho-
mhartha do mhuinntir Ninive, as mar sin
bhiás mac an duine mar an gcéudna
don chineadhso.
31 Eireóchuidh bainrióghan an táoibhe
ó dheas a mbreitheamhnus maille ré
dáoinibh an chinidhsi, & daimneóchaidh
sí iad: oír tháinic sisi ó leithimlibh na
talmhan dêisdeachd ré heagna Sholaimh:
& féuch atá [duine] as mó ná Solamh
ann so.
32 Eireóchaid luchd Ninive a mbreith-
eamhnus maille ris an gcineadhso, &
daimneóchaid é: oír do rinneadarsan
aithrighe ag seanmóir Jónas: agus féuch,
atá [duine] as mó ná Jónas ann so.
33 Ní lasann duine ar bith coinneall
chum a cur a bhfolach, nó faoi bhuiseul,
achd a gcoinnleóir: ionnus go bhfaicsi-
dís an dream thig a sdeach, an solus.
34 A sí an tsúil solus, an chuirp: ar
a nadhbharsin a núair bhias do shúil
glan, biáidh do chorp uile soillseach:
achd dá raibh do shúil go holc, biáidh
do chorp mar an gcéadna dorcha.
35 Dá bhrígh sin tabhair haire riot
nach biáidh an solus atá ionnad na
dhorchadus.
36 Ar a nadhbharsin dá raibh do chorp
uile soillseach gan éanchuid dhe dorcha,
biáidh an tiomlán soillseach, amhail mar
dheallruigheas coinneal thú ré na soillse.
37 Agus tar éis na mbriátharsa do
labhairt dhó, do chuir Phairisíneach ái-
righe impidhe air, a dhinnér do chaith-
eamh na fhochair: & ár ndul a sdeach
dhósan do shuigh sé chum bidh.
38 Agus an tan do chonnairc an Phairi-
síneach [sin], dob iongnadh leis nár
ionnail sé ar tús roimh dhinnér.
39 Agus a dubhairt an Tighearna ris;
Go deimhin do ní sibhse a Fhphairisinea-
cha an táobh amuigh don chupan & don
mhéis glan: achd atá an táobh a sdigh
dhibh lán do shracaireachd & dolc.
40 A dháoine gan chéill, a né nách é
an tí do rinne an táobh a muigh, do rinne
an táobh a sdigh mar an gcéadna?
41 Ar a nadhbharsin tabhruidh deirc
uáibh do na neithibh atá a láthair aguibh:

agus féuch, bíaidh na huile neithe
glan dibh.
42 Achd is anáoibhinn dáoibh a
Fhphairisíneacha, do bhrígh go ngabh-
tháoi deachmhaidh an mhiontuis, & na
ruibhe, & na uile lúsbheann: achd gabh-
tháoi thar bhreitheamhnus & ghrádh Dé:
Do búdh cóir iád so do dhéanamh, &
gan iád súd do leígean gan deúnamh.
43 As anáoibhinn dáoibh a Fhphai-
risíneacha: oír as ionmhuin libh an céud
ionad suidhe ann sna Sionagógaibh, agus
fáilteadha ar na márguidhibh.
44 As anáoibhinn dáoibh a sgriobui-
dhe & a Fhphairisíneacha a luchd a
nfúarchrábhaidh; oír atátháoi mar thuá-
muidhibh nách bhfaicthear; & nách
aithne do na dáoinibh shiubhlus ortha.
45 Agus ar bhfreagra do dhuine áiri-
ghe don luchd dlighe a deir sé ris; A
mhaighisdir, agá radh so dhuit, do bhéir
tú masla dhuinne fós.
46 Achd a dubhairt seision; As anáoi-
bhinn dáoibhsi leis, a luchd dlighe, oír
curtháoi úaluidhe dóiomchuir ar na dáoi-
nibh agus ní bheantháoi féin ris na búa-
ladhaibh lé háon dá bhur méuraibh.
47 As anáoibhinn daoibh: oír tógtháoi
túamuidhe na bhfáidheadh, agus a siád
bhur naithreacha do mharbh iád.
48 Go deimhin do níthí fíadhnuisi go
moltáoi gníomhartha bhur naithreach:
oír do mharbhadarsan iád, agus do ní-
thise túamuidhe dhóibh.
49 Ar a nadhbharso a dubhairt eagna
Dé, Cuirfe mé fáidhe & absdail chuca,
agus muirbhfid siád agus géarleanfuid
cuid díobh.
50 Do chum go leanfuidhe ar an
gcineadhsa fuil na bhfáidheadh uile do
dóirteadh ó thús an domhain.
51 O fhuil Abéil go fuil Shacharías
do marbhadh éidir a naltóir agus an
teampoll: go fírinneach a deirim ribh
go leanfuighear é ar an gcineadhso.
52 As anáoibhinn dáoibh a luchd
dlighe: oír rugabhair libh eochair a néo-
lais, ní dheachabhair féin a sdeach, &
do thoirmisgeabhair an dream do bhí ag
dul a sdeach.
53 Agus a nuáir a dubhairt sé na nei-
theise riú, do thionnsgnadar na sgrío-
buidhe agus na Phairisínigh consbóid
ghéur do dhéanamh ris, agus a thabhairt
air labhairt ar mhóran do neithibh;
54 Ag luigheachán air, agus ag iárraidh
neithe éigin do ghreamughadh as a bhéul,
ann a naigeóraidis é.

C A I B. XII.

Jarfa Críosd an fhoirinn a theagasc gan fhaitchios, 36 bí deas fa chombair buille an bháis, 54 & gur baoghlach, rèiteach & uáir an ghrás, do leigeann thort gan tarbha.

FA a námsin ar mbeith do phubal ro
mhór ar na ccomhchruinniughadh,
ionnus go rabhadar ag saltairt ar a
chéile, do thionnsgain sé a radh re na
dheisciobluibh ar tús: Coimhéaduigh sibh
féin ar laibhín na Bhpairsíneach, eadhon
an fúarchrábhadh.
2 Oír ní bhfuil einní foluightheach
nach dtiocfuidh chum sóillsi; ná seicrei-
deach, nach bhfuighthear a fhios.
3 Ar a nadhbharsin gidh bé neithe do
labhrabhair a ndorchadus, cluinfidthear
iád sa solus: agus gidh bé ní do labhra-
bhair a gcluáis a seómruidhibh uaigneacha,
do dhéantar a ghairm ós na tighthibh.
4 Agus a deirim ribhse a cháirde, Ní
bíodh eagla na muintire oraibh mhárbhus
an corp, & na dhiáigh sin leis nach éidir
ní sa mhó do dhéanamh.
5 Achd foillséochaidh mé dháoibh cía
ré a mbía bhur neagla: bíodh eagla an
tí úd oraibh, agá bhfuil cumhachda, tar
éis [duine] a mharbhadh, a theilgean go
hifearn: a seadh, a deirim ribh, bíodh
eagla so oraibh.
6 A né nach cceannaighthear cúig gheal-
bhain ar dhá fheòrling, & ní bhfuil áon
aca ar dearmad a bhfíaghnuise Dé?
7 Achd fós atá gruág bhar gcinnse uile
ar na comhaireamh: ar a nadhbharsin
na bíodh eagla oraibh: as fearr sibhse
ná morán gealbhan.
8 Agus a deirim ribh, Gidh bé ar bith
aidmheóchus misi a bhfíadhnuise na
ndáoine: aidmheóchaidh mac an duine
mar an gcéadna eisean, a bhfíadhnuisi
aingeal Dé.
9 Achd gidh bé shéanfas mise a bhfía-
dhnuise na ndáoine, séanfuighear eisean
a bhfíadhnuise aingeal De.
10 Agus gidh bé laibheóras focal a
naghaidh mhic an duine, maithfighthear
dhó é: achd ní maithfighear don tí la-
bheóras blaisphéime a nuagháidh an Spio-
rad náoimh.
11 Agus an tan do bhéaruid siád sibh
chum na Sinagóg & na nuachdarán, &
na ndáoine gcumhachdach, na bíodh a
ro chùram oraibh cionnas no créd
fhreagórtháoi, nó créd a déartháoi.
12 Oír múinfidh an Spiorad náomh
dháoibh ar a nuáirsin féin, na neithe is
coír dháoibh do rádh.
13 Agus a dubhairt óglach áirighe don
tslúagh ris; A mhaighisdir, abair rem dhear-
bhrathair a noighreachd do roinn rium.
14 Agus a dubhairt séision ris; A dhuine
cía chuir misi ós bhur gcionn am bhrei-
theamh, nó am rannadóir?
15 Agus a dubhairt sé riú; Feachaidh
& seachnuidh sibh ar a tsaint: Oír ní a
niomarcuigh an tsáidhbhris atá ag duine
air bith, atá a bheatha.
16 Agus a dubhairt sé cosamhlachd
riú, ag rádh: Tug fearann dhuine shaidh-
bhir áirighe toradh mór.
17 Agus do smuáin sé ann féin, ag rádh:
Créd do dhéana mé? oír ní bhfuil áit
agam ann a gcruinneócha mé mo
thórthuighe.
18 Agus a dubhairt sé, Do dhéana mé
so: leagfuidh mé mo sgiobóil, agus
toigeabhuidh mé sgiobóil bhus mó ná iád,
agus

agus cruinneóchaidh mé mo thórtha uile,
& mo mháoin ionnta:
19 Agus a déara mé rém anam féin;
A anaim, atá mórán máoine agad ar
na gcur a dtaisge fa chomhair mhórán
bliadhan: fan ad chomhnuidhe, ith, ibh,
bi go súgach.
20 Agus a dubhairt Diá ris; A ama-
dáin, a nochd féin iárfuid siad hanam
ort: & cía bhus leis na neithe do sho-
láthair tu?
21 Is mar sin atá an té chruinnigheas
ionmhas dó féin, agus nach bhfuil
saidhbhir a Ndiá.
22 Agus a dubhairt sé ré na dheisciob-
luibh; Uime so a deirim ribhsi, Ná bí-
dhidh ro chúramach fá bhur mbeatha,
créd é an ní iosdáoi; ná fá bhur gcorp,
créd é an ní churfsi umuibh.
23 As mó an tanam ná an biádh, &
an corp ná an téadach.
24 Tabhraidh dá bhur naire ná préa-
cháin, oír ní chuirid siád siol, agus ní
bhéanuid siád: agus ní bhfuil tigh sdóruis
na sgioból aca, agus beathaigh Diá iád:
agus a né nach fearr sibhsi go mór ná a
néanlaith?
25 Achd ciá agaibhsi lé na iomad cú-
raim fhéadas áon bhannlamh a mháin do
chur air áirde féin.
26 Ar a nadhbharsin muna bhfuil ar
bhur gcumas an ní as lugha, créd fá
bhfuil cúram na neitheann eile o-
raibh?
27 Tabhraidh dá bhur naire na li-
lidhe, ciondas fhásaid siád: ní dhéanuid
siád saothar, agus ní shníomhuid siád;
achd a deirim ribh, nach raibh Solamh
féin ann a ghlóir uile ar na éadughadh
mar áon díobh so.
28 Agus má éaduigheann Diá már sin
an féar atá a niu ar an machaire, agus
chuirthear a márach ann sa núamhaidh:
a né nach mó ná sin do dhéana sé dhíbhse,
a luchd an chreidimh bhig!
29 Ar a nadhbharsin, ná fiafruidh-
idhsi créd iósdáoi, nó créd iobhthaoi:
& na bithí amharusach.
30 Oír a siád na neithesi uile iárraid
cinidheacha an domhain: achd atá a
fhios ag bhur nathairse go bhfuil a
riachdanas so oraibh.
31 Achd cheana, iárruidhsi rioghachd
Dé agus teilgfidhthear na neithesi uile
chugaibh.
32 Ná bíodh eagla ort, a thréd bheag:
oír a si toil bhur nathar rioghachd do
thabhairt dáoibh.
33 Racaidh a bhfuil aguibh, agus tabh-
raidh déirc úaibh: déanuidh sparáin
dhíbh féin, nach racha a narsaidheachd,
ciste ar nach racha caitheamh, ar neamh,
a náit nach dtig gaduidhe a ngar dhó,
& nach dtruáilleann an míol críon.
34 Oír gidh bé ait iona bhfuil bhur
ccisde, is ann sin fós bhías bhur
gcroidhe.
35 Bíodh bhur leasrach ceangailte tim-
chioll, & bhur lóchráinn ar lasadh:
36 Agus sibh féin comhchosmhuil ré
dáoinibh ag fuireach ré na Dtighearna.
gá húair do fhillfeadh sé ón phósadh.
ionnas ar dteachd & ar mbuáladh an do-
ruis dó, go noisgeoladis gan fhuireach.
37 Is beannaighe na serbhfhoghantai-
dhe úd, do gheibh an Tighearna ag déa-
namh faire an tan do thig sé: a deirim
ribh go fírinneach, Go gceangalfuigh sé é
féin timchioll & go gcuirfidh se iádsan
na suidhe, & ar dteachd amach dhó go
ndéanuidh sé fríotholamh dhóibh.
38 Agus má thig sé sa dara faire, &
má thig sé sa treas faire, & go bhfuighe
sé mar sin [iád,] is beannaighe na sear-
bhfhoghantuighe sin.
39 Achd bíodh a dheimhin só aguibh,
dá mbeith a fhios ag fear an tighe, cía
a nuair a dtiocfadh an gaduighe, go
ndéanadh sé faire, agus nach bhfuileón-
gadh sé a thigh féin do thollodh thríd.
40 Agus ar a nadhbharsin bithísi ul-
lamh: oír is ar a núair nach saoiltí, thioc-
fus mac an duine.
41 Agus a dubhairt Peadar ris; A
Thighearna, an linne a deir tú an cho-
samhlachd só, nó fós ré cách uile?
42 Agus a dubhairt an Tighearna, Cía
atá na fheadhmannach fhírinneach ghlic,
chuirfeas an Tighearna ós cionn a mhuin-
tire féin, ionnus go dtiobhradh sé a
miosúr cruithneachd dhóibh na am féin?
43 Is bheannaighe an searbhfhoghan-
tuidhe úd, agá bhfuighe a thighearna an
tan thiocfus sé, dhá dhéanamh mar sin.
44 Go fírinneach a deirim ribh, Go
gcuirfe sé ós cionn a bhfuil aige é.
45 Achd má deir an searbhfhoghan-
tuighe úd ann a chroidhe féin, Cuirfidh
mo Thighearna a theachd a ríghneas: &
go dtionnsgónuidh sé gabháil ar na buá-
chaillidh & na cailinidh, & bheith ag
ithe agus ag ól, agus ar meisge:
46 Tiocfa Tghearna an tsearbhfho-
ghantuighe úd sa lá nach saoileann sé é,
& ann sa núair nach bhfuil a fhios aige:
& dealóchaidh sé [uaidh] é, & do bhéa-
ra sé a chuid dhó a bhfochair na
ndaoine gan chreideamh.
47 Achd an searbhfhoghantuidhe sin
agá raibh fios tola a Thighearna féin, &
nár ullmhuidh é féin, agus nach dearna
do réir a thola, géubhthar mórán
air.
48 Achd an tí úd ag nách raibh a
fhios, agus fós do rinne na neithe do
thuill buillidhe, buáilfithear beagán air:
oír gidh bé dár tugadh morán, iárrfuidh-
thear mórán air, agus gidh bé dár
tugadh mórán a dtaisge, iárrfuidhthear
ní sa mhó air.
49 Tainic misi do chur teineadh air a
talamh, & créd eile diárrfuinn má atá
sí ar na lasadh cheana?
50 Achd is éigin damhsa mo bhais-
deadh lé baisdeagh, agus créd a mhéd
chuibhrighthear mé, no go gcríóchnuigh-
thear é?

 51 An

51 An saoiltí gur ab chum síothchána do thabhairt ar an dtalamh tháinic misi? a deirim ribh nach eadh, achd ceannairce.
52 Oir ó so amach, béid cúigear a néintigh ar na roinn, triúr a naghuidh deisi, agus diás a naghuidh trír.
53 Biáidh an tathair a naghuidh an mhic, & an mac a naghuidh a nathar: an mhathair a naghuidh na hinghine, & a ninghean a naghuidh na mathar: & mathair an fhir phósda a naghuidh a mhná, agus an bhean phósda a naghuidh mhathar a fir.
54 Agus a dubhairt sé mar an gcéadna ris an bpubal: An tan do chíthí néull ag éirghe ón táoibh a nsiár, a deirthí ar ball, Atá cioth ag teachd: & is amhluidh bhíos.
55 Agus an tráth [do chithí] an gháoth ó dheas ag séideadh, a deirthí, Biaidh teasmhach ann: & bí sé mar sin.
56 A luchd an fhuárchrábhuigh, as éol dáoibh aghaidh neimhe agus talmhan do bhreathnughadh: achd cionnas nach breathnuighthí a naimsirse?
57 Agus créd fá nach breathnuighthí úaibh féin créd is cóir ann?
58 Agus fós an tan téid thú réd easgcaruid chum a núachdaráin, déana do dhícheall ar slighe, air thú féin do reíteach úadh: deagla go dtarrongadh sé chum an bhreithimh thú, agus go dtiobhradh an breitheamh don tsirriam thú, agus go dteilgfeadh an sirriam thú, a bpriosún.
59 A deirim riot nách dtiocfa tú a mach as sin, no go nióca tú an fheóirlinn deigheanach.

CAIB. XIII.

Sompla ag brosdughadh go Aithreachus: 24 & gur deacrach sáoradh an anam re fhaghail.

AGus fá namsin féin tangadar dáoine áirighe chuige ag innisin sgéul dó thaobh mhuintir na Galilé, ag ar mheasg Pioláit a bhfuil thríd a niodhbartuibh.
2 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé riú; An sáoiltisi gur ab mó na peacthaigh na Galiléeanuighsi ná an chuid eile do na Galiléeanachuibh, ar son gur fhuilngeadar a leithéide so?
3 A deirimsi ribh, nach mó: achd muna ndéantáoisi aithrighe, go sgriosfiidhthear sibh uile mar an gcéadna.
4 Nó an saoiltí na hochd bhfir dhég úd, air ar thuit an tor a Siloam, agus ag ar mharbh sé iád, gur mhó na peacthaigh iád ná gach áon nduine eile dá raibh na gcomhnuidhe a Niárúsalém:
5 A deirim ribh nach ar mhó: achd muna ndéarntáoisi aithrighe, go sgriosfuidhthear sibh uile mar an gcéadna.
6 Agus a dubhairt sé an chosamhlachdsa; Do bhí crann fige ag duine áirighe curtha ann a fhíneamhain: & táinic sé diárruidh toraidh air, agus ní fhuáir.
7 Agus a dubhairt sé ris an ngárradóir; Féuch, ataím ré trí bliádhnuibh ag teachd diárruidh toruidh ar an gcrann figisi, agus ní faghaim: gearr é: créd fá gcungmhann sé an fearann go neamhtharbhach?
8 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris; A Thighearna, léig dhó ar an mbliadhainsi mar an gcéadna, nó go romhraidh mé na thimcheall, agus go gcuire mé áoileach faoi:
9 Agus má bheir sé toradh, [léigfidh tú dhó:] achd muna dtuga, géarrfuidh tú tar éisi sin é.
10 Agus do bhí sé ag teagasg a Sinagóig áirighe lá na sabbaide.
11 Agus feuch, do bhí bean a lathair, agá raibh spiorad éagcrúais lé hochd mbliadhna dég: agus do bhí sí crotach agus nior bhféidir lé í féin do dhíorghadh air éanchor.
12 Agus an tráth do chunnairc Iósa í do ghoir sé chuige í, agus a dubhairt sé ria; A bhean, ata tú sgáoilthi ód éagcruás.
13 Agus do chuir sé a lámha uirre: agus do rinneadh díreach ar ball í, & tug sí glóir do Dhía.
14 Agus ar bhfreagra duachdaráin na Sinagóge, ar mbeith diomghach dhó fá Jósa do dhéanamh leighis ann sa tsabbaid, a dubhairt sé ris an bpubal: Atáid sé laéthe ann ar cóir obair do dhéanamh; ar a nadhbharsin gur ab ionnta sin thiocfas sibh dhá bhur leigheas, agus nar ab a lá na sabbaide.
15 Uime sin do fhreagair an Tighearna dhó, agus a dubhairt sé; A fhir an fhúarchrábhuidh, a né nach sgáoileann gach áon nduine agaibh féin a dhamh nó a asal ón mhainnsér lá na sabbaide, & nach beireann sé chum uisge é?
16 Agus an bheansa atá na hinghin ag Abraham, noch do chuibhrigh Satan a nois le hochd mbliadhna dég: a né nar choir a sgáoileadh ón chuibhreachsa a lá na sabbaide?
17 Agus an tan a dubhairt sé na neithesi, do ghabh náire gach áon nduine dá raibh a cur na aghaidh: achd do bhí gáirdeachas ar a tsluagh uile tré gach uile ní glórmhar dá ndéarnuidh seision.
18 Agus a dubhairt sé; Cía lér cosmhuil ríoghachd Dé, agus cia ré samhlóchaidh mé í?
19 Is cosmhuil ré gráinne musdaird í, do ghabh duine chuige agus do chuir sé ann a gharrdha: agus dfás sé, agus dó rinneadh crann mor dhe, agus do rinneadar éanlaith a naiéir neid ann a ghéaguibh.
20 Agus a dubhairt sé a rís, Cia ré samhlóchaidh mé ríoghachd Dé?
21 Is cosmhuil í ré laibhín do ghabh bean, & dfoluigh sí a dtrí pheice mine, nó gur ghabh an tiomlán laibhín.
22 Agus do chúaidh sé trí gach cathair agus ag gabháil na sligheadh go Hiérúsalem.

23 Agus a dubhairt duine áirighe ris; A Thighearna, an beag do shlánuightheár? agus a dubhairt seision ríu:

24 Déanaidh bhur ndithcheall ar dhul a steach sa doras chumhann: oír a deirim ribh, Is iomdha dáoine iárrfas dul a steach, agus nach búdh éidir leó:

25 O a nuáir fá néireóchaidh fear a tighe, agus fá a ndúnfa sé a dhoras, & thionnsganuidh sibhsi seasamh a muich agus an doras do bhualadh, ag rádh; A Thighearna, a Thighearna, osguil dúinne: agus ar bhfreagra dhósan a déara sé ribh, Ni bhfuil a fhios agam cía has dáoibh.

26 Ann sin toiseóchtháoisi a rádh; Do bhímis ag ithe agus ag ól ad fhiadhnuisi, agus do bhiothá ag teagasg ann ar sráidibh.

27 Agus a déaraidh sé; A deirim ribh, ní bhfuil a fhios agam cia has dáoibh: imdhigh uáim uile a luchd déanta na héagcóra.

28 An sin bhiás gul agus gíosgán fiacal, a nuáir do chifi Abraham, agus Isaac, & Jácob, agus na faidhe uile a bhflaitheas Dé, agus sibh féin dá bhur dteilgean amach.

29 Agus tiocfuid [mórán] ó náird shoir, agus ó náird shiár, agus ó thúaidh & ó dheas: agus suidhfid síos a bhflaitheas Dé.

30 Agus féuch, ataid dáoine ar deireadh bhiás a dtosach, agus ataid a dtosach bhiás ar deireadh.

31 An lasin féin tangadar cuid áirighe do na Phairisíneachuibh chuige, ag rádh ris; Imthigh amach, agus fág a náitsi: óir is mián ré Hioruáith do mharbhadh.

32 Agus a dubhairt seision riú; Ar nimtheachd dáoibh, abruidh ris a tsionnachsin, Féuch, teilgimsi deamhain amach, agus dó ním leigheas a niu, & a márach, agus críochnóchar leam an treas lá.

33 Achd cheana is éigin damh a niu, agus a márach, agus a noirrthior a bheith ag siubhal: oír ní héidir fáigh bás dfaghá il táobh amuich do Járusalém.

34 O a Járusalém, Iarusalém mharbhas na fáighe, agus ghabhas do chlochuibh ar na dáoinibh churthar chugad, gá mhioncachd bá míán leam do chlann do chruinniughadh, mar chruinnigheas an chearc a gearrcuigh fá na sgiothánuibh, agus níor bháill libh?

35 Féuch fágthar bhur dtigh na fhásach aguibh. Agus a deirimsi ribh go fírinneach, nach bhfaicfí misi no go dtí a nuáir a naibeórthaoi, Is beannaighe an té thig a nainm an Tighearna.

C A I B XIV.

Leighiosadh an joraputs; 7 caint bhríoghmhar Chríosd ré am cuireadh. 26 & rabhadh ar bheith aireach trá, cred chosdus a sheirbhis dúine.

AGus tarla ar dteachd dhó go tigh dhuine áirighe dúachdaránuibh na Bhpairisíneach a lá na sábbóide do chaitheamh bídh, go rabhadar a coimhéd air.

2 Agus féuch, do bhí duine áirighe a nioropuis ná fhiádhnuisi.

3 Achd ar bhfreagra Díosa do labhair sé ris an luchd dlighe & ris na Phairisíneachaibh, ag rádh; An ceaduigheach leigheas do dhéanamh lá na sábbaide?

4 Achd do thochdadarsan. Agus ar mbreith ar a nóglach dhósan do leighis sé é, agus do leig sé úadh é.

5 Agus ag freagra dhóibhsean a dubhairt sé; Ciá aguibhsi agá dtuitfeadh a asal nó a bhó a ndíg, nach dtóigeabhadh a níos é a lá na sábbaide?

6 Agus níor bheidir leó freagra do thabhairt air, ann sna neithibhsi.

7 Agus do labhair sé cosamhlachd ris an muintir thúinic ar cuireadh, ar na thabhairt dá aire mar do bhádar ag togha an chedionuid shuighe, ag rádh riú:

8 An tan do gheabha tú cuireadh ó neach ar bith chum bainnsi, ná suidh ann sa chéadáit: ar eagla go bhfuair duine as onóruighe ná thusa cuireadh úadh mar an gceadna:

9 Agus go dtiocfadh an tí do ghoir thusa agus eision, agus go naibeóradh sé riot, Tabhair ionad dó so: & ann sin do thoiseóchthá maille le náire suidhe ann sa nionad is ísle.

10 Achd an tan ghoirfidhthear thú, imthigh, & suidh ann sa nionad is ísle, ionnus an tan thiocfas an tí thug cuireadh dhuit, go naibeóradh sé riot; A chara, suidh ní is áirde suás ná sin. Ann sin do gheabha tú onóir a bhfiadhnuisi a mbiá na suidhe ar an mbord.

11 Oír gidh bé árduigheas é féin, ísleóchthar é: agus gidh bé ísligheas é féin, áirdeóchthar é.

12 Agus fós a dubhairt sé ris an té thug cuireadh dhó; An tráth do dhéanas tú dinnér, nó suipér, ná goir do cháirde nâ do dhearbhraithre, ná do dháoine gâoil, ná do chombarsanna saidhbhre: ar eagla go dtiobhradh siadsan fós cuireadh dhuitse, agus go bhfuightheá an chomáoin chéadna.

13 Achd an tan do ní tú féasda, goir na boichd, na dáoine ciorthuimeacha, na bacaigh, agus na doill:

14 Agus biáidh tú beannuighe: do bhrígh nach bhfuil acfuinn aca an chomáoin chéadna do thabhairt dhuit, óir do bhéarthar a luáidheachd dhuit á neiséirghe na bhfiréun.

15 Agus an tan do chúalaidh duine áirighe dá raibh ar áonbhord ris, na neithesi, a dubhairt sé ris: Is beannaighe an té itheas arán a bhflaitheas Dé.

16 Achd a dubhairt seision ris; Do rinne duine áirighe suipér mhór, agus do ghoir sé mórán:

17 Agus do chuir sé a shearbhfhoghantaidh a nam suipéir dá radh ris an

 muintir

muintir fuáir cúireadh ; Tigidh uáibh, óir
atáid na huile neithe a nois ullamh.
18 Agus do thionnſgnadar uile d'aon-
ghuth a leithſgéul do ghabháil. A dubh-
airt an céadduine ris, Do cheannaigh mé
fearann, agus is éigin damh dhul amach,
agus a fhéachain : iarruim ort, gabh mo
leithſgéul.
19 Agus a dubhairt fear eile, Do chéann-
uigh mé cúig cuingealuigh do dhamhuibh,
agus atáim ag dul dá ndearbhadh : íar-
ruim ort gabh mo leithſgéul.
20 Agus a dubhairt fear eile, Do phós
mé bean, ar a nadhbharſin ní fhéaduim
teachd.
21 Agus ar dteachd don tſearbhfho-
ghantuidhe, dinnis ſé na neitheſi dhá Thi-
ghearna. Ann ſin ar ngabháil feirge
dfear an tighe, a dubhairt ſé ré na og-
lach ; Imthigh go tapuidh fá ſhráidibh &
fá chúileannuibh na caithreach, & tabhair
leachd a ſdeach annſo na boichd, agus
na daóine ciorthuimeacha, agus na ba-
caigh, agus na doill :
22 Agus a dubhairt an ſearbhfhoghan-
tuidhe ; a Thighearna, do rinneadh mar a
dubhairt tú : gidheadh atá áit ann fós.
23 Agus a dubhairt an Tighearna ris
a nóglach ; Imthigh fá na ſlighthibh &
fá na ſáltuibh, agus coimhéignidh íad
do theachd a ſdeach, do chum go líon-
fuidhe mo thigh.
24 Oír a deirim ribh, Nach blaisfidh
áon nduine do na fearuibh úd, fuáir
cúireadh, dom ſhuipéarſa.
25 Agus do bhí ſlúagh mór na chui-
deachda, agus ar bhfilleadh dhó a dubh-
airt ſé ríu :
26 Gidh bhé thig chugamſa, agus nach
bhfúathuigheann ſé a athair, agus a mha-
thair, agus a bhean, agus a chlann, agus
ſa dhearbhraithreacha, agus fós a anam
ain, ní héidir leis bhéith na dheiſciobal
égamſa.
27 Agus gidh bé nach iomchrann a
chros féin, & nach leanann miſe, ní héi-
dir leis bheith ná dheiſciobal agamſa.
28 Oír cía agaibhſi duine lé madh
mían tor do dhéanamh, nach ſuidh-
feadh ar tús do theilgean cuntais an
chosdúis, an mbiadh acfuinn aige chum
críche do chur air ?
29 Ar eagla, déis na funndameinte
do chur dhó, & gan cumas aige críoch
do chur air, go dtoiſéochadh gach
áon duine dhá bhfaicfeadh é, fonomhad
do dhéanamh faói,
30 Ag rádh ; Do thionnſgain an fear-
ſa obair do chur ar ſiobhal, agus níor
fhéd ſé críoch do chur uirrthe.
31 Nó cía an Rí rachadh do dhéanamh
coguidh a naghaidh Rígh eile, nach ſuidh-
feadh ar tús do dhéanamh comhairle, Nar
bhéidir leis lé deich míle, teagmháil don
té thig na aghaidh lé fichthe míle ?
32 Nó, ar mbeith dhóſan fós a bhfad
uadh, cuiridh ſé teachdaireachd chuige,
agus iarruidh ſé ſiothcháin.
33 Mar an gcéadna gach uile dhuine
agaibhſi nach ndiultann dhá bhfuil aige, ní
héidir dhó bheith na dheiſciobal agamſa.
34 Is maith an ſalann, achd má bhi-
ónn an ſalann gan bhlas, créd lé gcuir-
fidh blas air ?
35 Ní bhfuil féidhm air chum na tal-
mhon, ná chum a naóiligh : teilgid
daóine amach é : gidh bé agá bhfuil
clúaſa chum éiſdeachda, éiſdeadh ſé.

CAIB. XV.

Coſamhlachta, um an cháora chuáidh a mugha: 8 um an bhoinn airgid: 11 & an mac an-caithteach.

AGus tangadar na Puibliocáin uile,
agus na peacthaigh chuige, déiſ-
deachd ris :
2 Agus do rinneadar na Phairiſinigh
agus na ſgríobuidhe munmhar, ag rádh ;
Gabhuidh an fearſo peacthaigh chuige,
agus ithidh ſé biadh na bhfochair.
3 Achd do labhair leiſion an choſamh-
lachdſa ríu, ag rádh ;
4 Cía agaibhſi duine, agá bhfuil céad
cáora, agus do léigfeadh áon díobh a
mugha, nach bhfágann na naói gcaóiridh
déug agus ceithre fichid ar an bhfáſach,
agus nach dtéid a ndiáigh na cáorach
úd do chuaidh a mugha, nó go bhfa-
ghann ſé í ?
5 Agus ar na faghail dó, cuiridh
ſé go luathgháireach í ar a ghuail-
libh :
6 Agus ar dteachd dá thigh dhó,
goiridh ſé a cháirde agus a chomhar-
ſain a gceann a chéile, ag rádh ríu ;
Déanuidh luathgháire leamſa : óir fuair
mé mo cháora do chuáidh a mugha.
7 A deirim ribh, gur ab mar ſin
bhías forbhfáilte ar neamh ar ſon éin
pheacthach do ní aithrighe, ní is mó ná
ar ſon naói bhfiréin dég & cheithre fi-
chid ar nach bhfuil riachdanas aithrighe.
8 Nó cía an bhean agá mbíadh deich
mboinn, agus do léigfeadh ſí áon bhonn
díobh a mugha, nach laſfadh ſolus agus
nach ſguaibéochadh an tigh, agus nach
íarrfadh go dúthcheallach, nó go bhfaghadh
ſí é ?
9 Agus air na fhagháil, goiridh ſí a
bancháirde agus a banchomharſain a
gceann a chéile, ag rádh ; Déanuidh gáir-
deachas léamſa : óir fuair mé mo bhonn
do léig mé a mugha.
10 Mar an gcéadna, a deirim ribh,
Bí gáirdeachas ar ainglibh Dé trí éin
pheacthach amháin do ní aithrighe.
11 Agus a dubhairt ſé fós, Do bhá-
dar días mac ag duine áirighe.
12 Agus a dubhairt an tí dob óige aca
ré na athair : Athair, tabhair dhamh an
chuid roitheas miſi dod mhaóin. Agus do
roinn ſeiſion a mhaóin eatorra.
13 Agus tar éis bheagáin aimſire, ag
gcruinniughadh a choda uile don mhac
dob óige, do chuaidh ſé air coigrígh a
dtalamh imchían : agus do dhiombail ſé
ann ſin a mhaóin lé na bheathaidh
bháoth-chaithfigh. 14 Agus

14 Agus tar éis a choda uile do
chaitheamh dhó, déirigh gorta rómhór
ann ſa tír ſin : agus do thoſaigh ſeiſion
ar bheith a ríachdanus.
15 Agus do imthigh ſé roimhe, agus
do cheangal ſé do cháthruightheóir don
tír ſin : noch do chuir fá na dhúithche a
mach é do bhúachuilleachd mhuc.
16 Agus bá mían leis a bholg do
líonadh do na féithléoguibh do ithdís
na muca : agus ní thugadh éunduine
dhó [iad.]
17 Agus an tan do chuimhnigh ſé air
féin, a dubhairt ſé ; Gá mhéd do luchd
túaraſdail matharſa agá bhfúil iomar-
cuidh aráin, agus miſi ag dul a mugha
lé gorta.
18 Eiréochaidh mé, agus rachaidh mé
dionnſuighe mathar, agus déaruidh mé
ris ; A athair, do pheacaigh mé a na-
ghaidh neimhe agus ad fhíadhnuiſiſi :
19 Agus ní fíu mé feaſda do mhac-
ſa do ghairm dhióm : déana mé mar
íon dod luchd túaraſduil.
20 Agus déirigh ſé, agus do chuáidh
ſé dionnſuighe a athar, agus ar mbeith
fós a gcían úadh dhó, do chonnairc a
athair é, agus do ghabh truáighe mhór
dhó é, agus ag rith dhó, chrom ſé fá
na bhrághuid, agus do phóg ſé é.
21 Agus a dubhairt an mac ris ; A
athair, do pheacaigh mé a naghuidh nei-
mhe & ad fhiadhnuiſiſi, & ní fiú mé
feasda do mhacſa do ghairm dhíom.
22 Achd a dubhairt an tathair ré na
fhearbhfhoghantaibh, Tabhruidh an chu-
luidhſin is fearr libh, agus cuiridh uime í,
agus cuiridh fáinne air a láimh, agus brô-
ga air a cholaibh :
23 Agus tuguidh libh agus marbhuidh
an láogh biata : agus caitheam bìadh
agus bíom go ſúgach.
24 Oír fuáir mo mhac ann ſo bás, &
do aithbhéodhuigh ſé : & do chuáidh ſé
a mugha, & frith é. Ar a nadhbharſin
do thionnſgnadar bheith go ſúgach.
25 Achd do bhí an mac búdh ſeine
aige air an machair amuich : agus ar
dteachd a ngar don tigh dhó, chúaluidh
ſé an céol agus na damhſaidhe.
26 Agus ar ngairm aóin do na ſearbh-
fhoghantuibh chuige dhó, dfiáfruidh ſé
dhe Créd íad na neitheſi ?
27 Agus a dubhairt ſeiſion ris, Do
dhearbhráthairſi tháinic : agus do
mharbh hathair an láogh biadhta : ar
ſon go bhfuáir ſé ſlán a rís é.
28 Agus do ghabh fearg eiſion, a-
gus níor bháill leis dul a ſdeach : uime-
ſin tháinic a athair amach, agus do
ghoir ſé chuige é.
29 Achd ar bhfreagra dhóſan a dubh-
airt ſé ris an athair : Féuch, a táimſi ag
déanamh ſeirbhiſi dhuit a noireadſo do
bhliadhnuibh, agus níor ſháruigh mé hai-
thne a riamh, gidheadh ní thug tú fíu
an mheannáin dhamh ariamh, ionnus go
mbéinn go ſúgach rém cháirdibh :
30 Achd an tan tháinic an macſa
agad do ſhluig do mhaóin a bhfochair
mheirdreach, do mharbh tú an láogh
bíata dho.
31 Achd a dubhairt ſeiſion ris : A
mhic, atá tuſa do ghnáth am fhochair,
agus na huile neithe is leamſa, is leachd-
ſa íad.
32 Achd do budh cóir dhùinn ſuga-
chas & forbháilteachas do dhéanamh,
tré go raibh an dearbhrathairſi agadſa
tar éis bháis, agus gur aithbhéodhuigh
ſé : agus go ndeachaidh ſé a mugha, agus
gur frith a ris é.

C A I B. XVI.

Inntleacht an fheadhmannaigh éugcorach, 19 & dioghbla an tſaidhbhir, dhoithchiollach, bholgach.

AGus a dubhairt ſé fós ré na dheiſ-
ciobluibh : Do bhí duine ſaidhbhir
áirighe ann, aga raibh ſdíobhard : a-
gus do rinneadh caſaóid ris air, gur
dhiombail ſé a mhaóin.
2 Agus ar na ghairm chuige dhó, a
dubhairt ſé ris : Créd é ſo do chluinim
ort ? tabhair cunntas do ſdíobhardachda
uáit, oír ní héidir dhuit bheith ad ſdío-
bhard ní as faide.
3 Agus a dubhairt an ſdíobhard ris
féin ; Créd do dhéana mé, oír atá mo Thi-
ghearna ag buáin na ſdíobhardachda dhí-
óm ? ní héidir leam roghmhar do dhéa-
namh, & is nár leam déirc íarruidh.
4 Atá a fhios agam créd do dhéana
mé, ionnus an tan cuirſighthear as an
ſdíobhardachd me, go ngéubhuidh ſiad
chuca mê da dtighthibh féin.
5 Agus ar ngairm gach aóin fá leith
dar dhligh a Thighearna fiacha, a du-
bhairt ſé ris an céd fhear : Gá mhéd a
dhligheas mo Thighearna dhíot ?
6 Agus a dubhairt ſeiſion, Céd mioſúr
ola : agus a dubhairt ſeiſion ris, Gabh
chugad do ſgríbhinn, agus ſuidh go lúath,
agus ſgríobh, a deich & dá fhithchead.
7 Agus a dubhairt ſé na dhiáigh ſin
ré duine eile, Créd dhlighthear dhiotſa ?
agus a dubhairt ſeiſión, Céd mioſúr
cruithneachda : agus a dubhairt ſeiſion
ris, Gabh chugad do ſgríbhinn, agus
ſgríobh, ceithre fithchid.
8 Agus do mhol an Tighearna ſdío-
bhard na héugcóra, do bhrígh go ndear-
nuidh ſé ní glic : Oír is glioca clann an
tſaoghailſi, ná clann an tſolais iona gci-
nél féin.
9 Agus a deirimſi ribh, Déanuidh cáir-
de dhibh féin lé ſaidhbhreas na héag-
córa : ionnus an tráth bhias uireasbhuidh
oruibh, go nglacfuid ſibh ann a lóiſdi-
nibh ſíorruidhe.
10 An tí atá ionnraic ſa ní is lúgha,
atá ſé ionnruic a mórán : & gidh bhé atá
éagcórach ſa ní is lugha, atá ſé éagcórach
a mórán mar an gcéadna.
11 Ar a nadhbharſin muna rabhabhair-
ſe fírinneach ann ſa tſaidhbhreas bhréa-
gach, cía tháobhthas an ſaidhbhreas fí-
rinnoach ribh ?

12 Agus

12 Agus muna frioth ionnruic sibh a
gcuid duine eile, cia bhéaradh dhaóibh
an ní is libh féin ?
13 Ní héidir le searbhfhoghantuidhe
ar bith seirbhís do dhéanamh do dhá
Thighearna : óir biáidh fúath aige do
neach aca, & grádh don dara fear : nó
ceangalfuigh sé do dhuine aca, agus do
bhéara sé tarcuisne ar an dara fear : ní
héidir libh seirbhís do dhéanamh do
Dhía agus do Mhammon.
14 Agus do chúaladar fós na Phairi-
sinigh sanntacha na neithesi uile : agus
do rinniodar sonomhad faóision.
15 Agus a dubhairt seision ríu: Is
sibhsi an dream shaorus sibh féin a
bhfíadhnuisi na ndaoine : achd is aithnid
do Día bhur gcroidhthe : óir an ní atá
fá mhóirchion a bhfíadhnuisi na ndaoine,
atá sé gráineamhuil a bhfiadhnuisi Dé.
16 [Do bhí] an reachd agus na faighe
ann go teachd Eóin: ó shin a leith atá
ríoghachd Dé dhá shoisgéulughadh, agus
atá gach uile dhuine ag déanamh foir-
éigin air.
17 Achd as usa neamh agus talamh do
dhul thort, ná áonphunc dhon dligheadh
do thuitim.
18 Gidh bé neach léigeas a bhean,
agus phósus bean eile, do ní sé adhal-
trannas : agus gidh bé bheir an
bheansin do leigeadh, do ní sé adhal-
trannas.
19 Achd do bhí dhuine saidhbhir áirighe
ann, & is é bá héadach dhó purpuir &
síoda, agus do théigheadh sé chum bidh
go roshoghamhuil gach laói.
20 Agus do bhí duine bochd áirighe
ann, dar bhainm Lásarus, do bhí na
luidhe agá gheatasan, lán do chréachduibh:
21 Agus ler mhian é féin do shá-
sadh leis an sbrúileach do thuiteadh do
bhórd an duine shaidhbhir : agus do
thigdís na madruidhe, agus do lighei-
dís a chréuchda.
22 Agus tárla go bhfuáir an duine
bochd bás, agus gur iomchradar na hain-
gil go huchd Abrahám é : agus mar
an gcéadna fuáir an duine saidhbhir
bás, agus do hadhluiceadh é.
23 Agus ar mbeith dhó a nifearn a
bpianuibh, do thóg sé a shúile súas, &
do chunnairc sé Abraham a bhfad
úadh, agus Lásarus ann a uchd.
24 Agus ar néimhghe dhósan an tansin
a dubhairt sé ; A athair Abraham, déana
trócaire oram, agus cuir Lásarus do
thumadh bárr a mheóir a nuisge, agus
dfúaradh mo Theangtha : óir atáim
dom roiphíanadh an sa lasairsi.
25 Achd a dubhairt Abraham : A
mhic, cuimhnigh gur ghlac tusa neithe
maithe lé linn do bheith béo, agus Lá-
sarus mar an gceadna droich neithe : achd
atá sólas aigesion a nois dá shagháil, &
atá tusa dod phianadh.
26 Agus do bhárr orrtha so uile, atá
sodhomhain mhór ar na cur eadruinne,
agus sibhsi, ionnas nach éidir leis na
daóinibh lé budh mian é, dul as so
chugaibhsi, na teachd as sin chuguinne.
27 Agus a dubhairt seision ; Maseadh
íarruim ort a athair, eision do chur
go tigh matharsa.
28 Oír atáid cúigear dearbhrathar
agam, do thabhairt sgéul dóibh, ionnus
nach dtiocfaidh siadsan mar an gcéadna
ann sa nionadsa na péine.
29 A deir Abraham ris ; Atáid Maóisi
agus na faighe aca : éisdeadh siad
riusan.
30 Achd a dubhairt seision, Ní hamh-
luidh atá, a athair Abraham : achd di
ndeacha duine ó na marbhuibh chuca,
do dhéaindís aithrighe.
31 Agus a dubhairt Abraham ris ;
muna néisdidh siad ré Maóisi agus ris
na faighibh, dá néirgheadh duine ó
mharbhuibh féin, ní chredidís dó.

C A I B. XVII.

Nach bfuil Día na fhéicheamh ag aon duine,
22 & go tiocfaidh Críosd a nam nach
sabilthear.

Agus a dubhairt sé ris na deisciob-
luibh, Ní héidir nach dtiocfuid
sgannalacha : achd is trúagh don ti
tré a dtigid siad.
2 Do bfearr dhó cloch mhuilinn do
chur fá na mhuinéul, & a theilgean an
sa bhfairge, ná áon don mhuinntir bhigsi
sgannlachadh.
3 Tabhruidh bhur naire dhíbh féin.
Má pheacaigheann do dhearbhrathair ad
aghaidh, imdhearg é : agus má ní
sé aithrighe, tabhair maitheamhnus dó.
4 Agus má pheacaigheann sé ad aghaidh
seachd nuáire sa ló, agus go bhfillfe sé
chugad seachd nuáire sa ló, ag rádh ;
Atá aithreachas oram : tabhair maithea-
mhnus dó.
5 Agus a dubhradar na heasbuil
ris : A Thighearna, méuduigh ar gcrei-
deamh.
6 Agus a dubhairt an Tighearna ; Dá
mbeith oiread ghráinne musdaird do
chreideamh aguibh, déaradh sibh ris a
gcrann Sicaminso, Eirigh as do fhréa-
mhach, & curthar an sa bhfairge thú ; &
do umhlochadh sé dhaóibh.
7 Agus cia aguibh agá bhfuil
searbhfhoghantuidhe a treabhadh, no a
coimhéd tréada, lé a naibéoradh sé ar an
mball, an tan do thiocfadh sé ón bhfea-
rann ; Imthigh agus suidh síos ar an
mbord ?
8 Achd a né nach aibéora sé ris, Ull-
mhuigh an ní íosas mé ar mo shuiper, &
cuir do chrios thort, & fritheóil damhsa
no go nithe mé & go nibhe mé : agus
tar éis sin, ithsi, agus ibh ?
9 An mbia buidheachas aige ar a
tsearbhfhoghantuidhe úd, do bhrígh go
ndearna sé na neithe do haithneadh
dhe ? Ní shaóilim [go mbia.]
10 Agus is mar sin daoibhsi, an tan
do dhéantaói gach uile ní dár haithnia-
ghadh

gadh dhíbh, abruidh ; Is searbhfhó-
ghantuidhe neamhtharbhacha sinn : óir
do rinneamar an ní do bhí dfíachaibh
oruinn do dhéanamh.
11 Agus tárla ag dul súas dó go Hierú-
salém, gur ghabh sé trí lár na Samária
agus na Galilé.
12 Agus an tráth do chuáidh sé a
steach go baile áirighe, tárladar deith-
neabhar lóbhar air,do sheas a bhfad úadh.
13 Agus do árduigheadar a nguth, ag
rádh ; A Jósa a mhaighisdir, déana tró-
caire oruinn.
14 Agus an tan do chunnairc sé [iad,]
a dubhairt sé ríu ; Imthighidh, foillsi-
ghidh sibh féin do na sagartuibh : a-
gus tárla ag imtheachd dóibhsion gur
glanadh íad.
15 Achd fear aca mar do chunnairc
sé é féin ar na shlánughadh, dfill sé ar
ais, ag moladh Dé do ghuth mhór.
16 Agus do thuit sé ar a aghuidh
aig cholaibhsean,ag breith bhuidheachais
ris : agus budh Samaritánach an fearso.
17 Agus ar bhfreagra Díosa a du-
bhairt sé ; A né nach bhfuilid deithnea-
bhar ar na nglanadh ! agus a náonbhar
cúi a bhfuilid ?
18 Níor fríth ag filleadh do thabhairt
glóire do Dhía, achd an coigcrigh-
eachso.
19 Agus a dubhairt sé ris ; Eirigh,
imthigh romhad ; do shlánuigh do
chreideamh thú.
20 Agus an tan dfiáfruigh na Phairi-
sinigh dhe, Cía an tráth thiocfadh rio-
ghachd Dé ; do fhreagair sé iád, agus a
a dubhairt sé,Ní thiocfa rioghachd Dé,ré
coimhéd [do bheith uirrthe ;]
21 Agus ní abeóruid siad, Féuch
ann so, nó, féuch ann súd : oir
féuch, atá rioghachd Dé aguibh an bhur
measg.
22 Agus a dubhairt sé ré na dheis-
cobluibh, Tiocfuidh a naimsir, an a mbía
míanghus oruibh áon do laéthibh mhic an
duine dfaicsin: agus ní fhaicfithí.
23 Agus a déaruid siad ribh ; Féuch
ann so, nó, féuch ann súd : [achd] ná
himdhigh, agus na leanuidh [iád.]
24 Oir amhuil agus mar dheallrui-
gheas an tinnteach shoillsigheas ó náird
go chéile fáoi neamh : is mar sin bhiás
mac an duine mar an gcéudna ann a lá
féin.
25 Achd is éigin dó ar tùs mórán
dfulang, agus a dhiultadh ón cineadhsa.
26 Agus mar do tharla a laéthibh
Náoi,is mar sin fós bhiàs a laéthibh mhic
an duine.
27 Do bhádar ag ithe, ag ibhe, ag
pósadh, agus ag tabhairt chum pósda, gus
an lá ann a ndeachaidh Náoi do Nàirc ;
agus táinic an díle, agus do sgris sí iád
uile.
28 Agus ar a nós gcéadna mar tharla
a laéthibh Lot : do bhádar ag ithe, ag
ibhe, ag ceannach, ag reic, ag plan-
tughadh, ag tógbháil tighthe :
29 Achd an lá ann a ndeachaidh Lot
amach as Sodom, do fearadh teine agus
ruibh ó neamh, agus do sgrios sé iád
uile :
30 Is da réir so bhias an lá an a
bhfoillseochthar mac an duine.
31 Ann sa lá sin an té bhiás ar a
tigh, agus a mháoin ann sa tighsin, ná
tuirlingeadh sé chum a dtógbhála : agus
an tí atá ar an machaire, na casadh sé
tar a ais mar an gcéadna.
32 Cuimhnighe ar mhnáoi Lot.
33 Gidh bé neach íarrfas a anam féin
do shabháil, caillfidh sé é : agus gidh bhè
chaillfeas é, beódhfuidh sé é.
34 A deirim ribh, béid diás a náoin-
leabaigh ann sa noidhche úd : géubhthar
lé háon aca, agus fúigfighthear an féar
eile.
35 Beid diás ban ag bróinteórachd a
náoinfheachd : géubhthar lé mnáoi aca,
agus fuigfighthear an dara bean.
36 Beid diás fear ar an machaire :
géubhthar lé háon aca, & fúigfighthear
an fear eile.
37 Agus ar bhfreagra dhóibhsion a
deirid ris : Gá hait a Thighearna ? agus
a dubhairt seision riú, Gidh bé ball a
[mbîa] an corp, is ann sin fós chruin-
neochthar na hiolair.

C A IB. XVIII.

Fuair an bhaintreabhach a gnodhuighe le iarratas dhùthrachtach,9 ⁊ an Puibliocanach le urnuigh uirisiol.

AGus a dubhairt sé fós cosamh-
lachd riú, gur ab éigin urnuigh-
the dhéanamh do ghnáth, agus gan a
bheith leisgeamhuil.
2 Ag rádh ; Do bhí breitheamh
áirighe a gcathraigh áirighe, air nach
raibh eagla Dé, agus ag nach raibh
onoír do dhuine :
3 Agus do bhí baintreabhach áirighe ann
sa chathruighsin noch tháinic chuige, ag
rádh : Coírigh mé air measgcaruid.
4 Agus níor bháill leision ar feadh
tamuill : achd tar éis sin a dubhairt sé
ris féin ; Ge nach bhfuil eagla Dé
oram, agus nach bhfuil onoír agam do
dhuine ;
5 Gidheadh do bhrígh go mbuaidh-
reann an bhaintreabhachsa mé, dioghóla
mé í, do chum nach dtiocfadh sí sa
dheireadh dom bhuáidhreadh.
6 Agus a dubhairt an Tighearna,
Eisdidh créd a deir breitheamh na
héagcóra.
7 A né nach déana Diá dioghaltas ar
son a dháoine toghtha féin, éimhgheas
air do lá agus doidhche, ge atá foighid
aige na ttimcheall.
8 A deirim ribh, go ndéana sé dioghal-
tas ar a son go luáth. Achd cheana an
tan thiocfas mac an duine, an bfuighe sé
creideamh ar an dtalamh ?
9 Agus fós ré dreim do shaoil iád

féin bheith na bhfiréain agus do thar-
caisnigh cách eile, a dubhairt sé an chos-
amhlachdsa:
10 Do chúadár días do dháoinibh
súas don teampall do dhéanamh urnuighe,
áon aca na Fhpairisineach, agus araile
na phuibliocánach:
11 Ar seasamh don Fhphairisineach,
do bhí sé guidhe mar so leis féin: A
Dhiá, beirim buidheachas riot nach
bhfuilim mar atáid dáoine eile, na luchd
fuaduigh, éugcórach, adhaltrannach:
nó fós mar an bpuibliocánachsa.
12 Troisgim fá dhó ann sa tseachd-
mhuin, do bheirim deachmhuidh as gach
ní dhá sealbhuighim.
13 Agus ar seasamh don phuibliocán
a bhfad úadh, nior bháill leis fiú a shúl
do thogbháil súás chum neimhe: achd
do bhuaileadh sé a uchd, ag rádh; A Dhia,
déana trócaire oramsa an peacthach.
14 A deirim ribh, go dtáinic an
té si a nuas dá thigh féin na fhiréanach
[ní is mó] na an fear úd: óir gidh
bé árduigheas é féin, ísleochthar é:
agus gidh bé ísligheas é féin, áirdeoch-
thar é.
15 Agus fós tugadar chuige náoidh-
eanáin, ionnus go mbeanfadh sé riú:
agus an tan do chuncadar na dei-
sciobuil so, do imdheargadar íad.
16 Ahcd ar ngairm na leanabh Díosa
chuige, a dubhairt sé; Fuilngidh na
leinbh do theachd chugamsa, agus ná
toirmeasguidh íad: óir is sé na lei-
theid so ríoghachd Dé.
17 A deirim ribh go fírinneach,
gidh bé nach géubha chuige ríoghachd
Dé mar náoidheanán, nach racha sé
go bráth a sdeach innte.
18 Agus dfiafruigh úachdarán áirighe
dhe, ag rádh; A mhaighisdir mhaith,
créd do dhéana mé lé a sealbhócha mé
an bheatha mharthanach?
19 Agus a dubhairt Jósa ris; Créd
fá ngoireann tú maith dhiomsa? Ní
bhfuil éinneach maith achd Día amháin.
20 Atá éolas na naitheantadh agad,
Ná déana adhaltranas, Ná déana dun-
mharbhadh, Na déana goid, Ná déana
fiadhnuisi bhréige: Onóiruigh hathair
agus do mhathair.
21 Agus a dubhairt seision, Do choi-
mhéid mé na neithesi uile óm óige.
22 Agus ar na cclos so Díosa, a
dubhairt sé ris: Atá élnní fós dui-
theasbhuidh ort, reac a bhfuil agad, &
roinn ar na bochdaibh, & bíaidh cisde ar
neamh agad: agus tárr, lean misi.
23 Agus ar na gcloinnsin so dhó-
san, do ghlac tuirse mhór é, óir do
bhí sé roshaidhbhir.
24 Agus an tan do chunnairc Jósa
go ráibh sé lán do dhobrón, a dubhairt
sé, Créd é a dheacrachd do na dáoinibh
saidhbhre dul a sdeach a ríoghachd Dé?
25 Oir is usa camhall do dhul tri
chró snáthuide ná do dhuine shaidhbhir
dul a sdeach a ríoghachd Dé.
26 Agus a dubhradar an dream do
chúaluidh [so,] Má seadh cia as éidir
do shlánughadh?
27 Achd a dubhairt seision, Na neithe
atá doidhéanta ag na dáoinibh, atáid
soidhéanta ag Dia.
28 Agus a dubhairt Peadar; Féuch,
do fhágamairne na huile neithe, agus
do leanamair thusa.
29 Agus a dubhairt seision riú; A
deirimsi ribh go fírinneach, nach bhfuil
éinneach do fhág a thigh, ná a athair,
ná a mhathair, ná a dhearbhraith-
reacha, ná a bhean phósda, ná a chlann
an son ríoghachda Dé.
30 Nach glacfa sé mórán ní fá mhó
ann sa naimsirso, & an bheatha mhar-
thanach an sa tsáoghal atá ag teachd.
31 Agus ar mbreith an dá fhear déag
leis Díosa, a dubhairt sé riú; Féuch,
téaghmáoid súas go Hiárusalém, agus
críochnóchthar a dtimcheall mhic an
duine na huile neithe atá sgriobhtha
ag na fáighibh.
32 Oír do bhéarthar do na cinea-
dhachaibh é, agus do dhéuntar fono-
mhad faoi, agus maisleóchthar é, agus
géubhthar do shelighibh air.
33 Agus ar na sgiúrsadh dhóibh,
muirfid é: achd éireochaidh sé a rís,
an treas lá.
34 Agus nior thuigeadarsan éin ní
dhíobh so: agus do bhádar na bríath-
rasa foluighthe úatha, agus níor aith-
nigheadar na neithe a dubhradh ann.
35 Agus tárla, an tan do dhruid sé
ré Iericho, gur shuidh dall áirighe chois
na sligheadh ag iarruidh déirce.
36 Agus an tan do chúaluidh sé an
slúagh ag gabháil thairis, dfiafruidh sé
créd é so.
37 Agus dinniseadar dhó gur ab é
Jósa Nasardha do bhí gabháil thairis.
38 Agus do éigh seision ag rádh,
A Jósa, a mhic Dáibhi déuna trócaire
oram.
39 Agus an dream do bhí roimhe
do imdheargadar é ionnus go mbíadh
sé na thochd: achd is móide do
éighmheadh seision sin, A mhic Dáibhí
déana trócaire oram.
40 Agus ar seasamh Díosa, do aithin
sé a thabhairt chuige: agus an tan
do dhruid sé ris, dfiafruidh sé dhe,
41 Ag rádh; Créd is mián leachd
misi do dhéana dhuit? agus a du-
bhairt seision; A Thighearna, mo ra-
dharc aiseag dhamh.
42 Agus a dubhairt Iósa ris; Bíodh
do radharc agad: do shlánuigh do
chreideamh thú.
43 Agus do fúair sé a radharc ar
an mball, agus do lean sé eisean, ag
tabhairt glóire do Dhiá: agus an tan
do chunnairc an pobal uile [so,]
tugadar moladh do Dhía.

C A I B. XIX.

Dúthchioll Sachéus ar Críoſd fhaicſin, 45 & Críoſd ag iomáin luchd an mhio-mhodh as an Teampuill.

AGus ar ndol a ſdeach go Jérico
Díoſa, do ghabh ſé thríthe:
2 Agus féuch do bhí duine áirighe
ann dhár bhainm Sachéus, do bhí na
áchdarán air na publiocáin, agus do
bhí ſé ſaidhbhir.
3 Agus do bhí fonn air fhaicſin cía
hé Jóſa: agus níor bhéidir ris ón
tſlúagh, tré go raibh ſé íſiol do phear-
ſainn:
4 Agus ag rith roimhe dhó, do
chúaidh ſé ſúas a gcrann Sicamór,
ionnus go bhfaicſeadh ſé é: óir do bhí
ſé an tſhlighesin do ghabháil.
5 Agus an tan tháinic Jóſa chum
na háiteſin, ar bhféachain ſúas dó, do
chunnairc ſé eiſion, agus a dubhairt ſé
ris; A Shachéus tuirrling go deifreach,
óir is ad thigh is éigin damhſa
comhnuidhe dhéanamh a niu.
6 Agus ag deifriúghadh dhóſan, do
thuirrling ſé, agus do ghabh ſé chuige
é go luathgháireach.
7 Agus an tan do chunncadar cách
uile ſo, do rinniodar munbhar, ag rádh;
Go ndeachaigh ſé a ſdeach air áoi-
dheachd dionnſuighe peacthaich.
8 Agus ag ſeaſamh do Shachéus a
dubhairt ſé ris a Tighearna: Féuch, a Thi-
ghearna, do bheirim leath mo mháoine
do na bochdaibh: agus má mheall mé
duine air bith a néinnſ, do bheirim
dhó a cheithre oirid.
9 Agus a dubhairt Jóſa ris; A niugh
tharla ſláinte don tighſi, do bhrígh go
bhfuil ſeiſean fós na mhac ag Abraham.
10 Oir tháinic mac an duine diár-
raidh agus do ſhlánughadh an ní
do chúaidh a mugha.
11 Agus ag éiſdeachd dóibhſean leis
ſo, do chuir ſé leis, agus a dubhairt ſé
coſamhlachd tré go ráibh ſé láimh ré
Hiarúſalem, agus gur ſháoileadarſan nach
fada go bhfoillſeochtháoi ríoghachd Dé.
12 Ar a nadhbharſin a dubhairt ſé:
Do chúaidh duine uaſal áirighe a ré-
gión imchían, do ghabháil ríoghachda
dhó féin, agus dfilleadh air a ais.
13 Agus ar ngairm a dheichneabhar
ſearbhfoghantuighe dhó, tug ſé deich
bpíoſa [airgid] dhóibh, & a dubhairt ſé
riu: Déunuidh gnothuigh nó go dtí mé.
14 Achd do bhí fúath ag luchd a
chaithreach dhó, agus do chuireadar
teachdaireachd na dhiáigh, ag rádh;
Ní háil linn é ſo do ríoghadh oruinn.
15 Agus tárla an tan do ſhill ſé, ar
ngabháil na ríoghachda chuige, gur
aithin ſé na ſearbhfoghantaighe úd dá
dtug ſé an tairgead, do ghairm chui-
ge: ionnus go mbiadh a ſhiós aige
créud do ghnodhuigh gach áon aca.
16 Agus táinic án céadduine, ag
rádh; A Thighearna, do ghnodhuigh
do phíoſa, deich bpíoſa.
17 Agus a dubhairt ſeiſion ris, Is
maith[ſin]a ſhearbhſhoghantuighe mhaith
óir do bhí tú fírinneach ar bheagán,
bíodh cumhachda agad ar dheich gcai-
threachaibh.
18 Agus táinic an dara fear, ag rádh:
A Thighearna, do rinne do phíoſa
cúig píoſa.
19 Agus a dubhairtſion ris an teſi;
Biſi mar an gceádna ós cionn chúig
gcaithreach.
20 Agus táinic fear eile chuige, ag
rádh: A Thighearna, féuch do phíoſa do
bhí agamſa a ttaiſgidh an a naipcín:
21 Oir do bhí heaglaſa oram, tré
gur duine forghruáma thú, tógbhuidh
tú ſúas an ní nár chuir tú ſíos, agus
beanuidh tú an Ní nar ſhiólchuir tú.
22 A dubhairtſion ris an tan ſin,
As do bhéul féin do bheirim breith ort,
a dhroichſhearbhfoghantaigh: do bhí
a ſhios agad gur dhuine forrghrúama
miſi, thogbhus ſúas an ní nach ar chuir
mé ſíos, agus bheanas an ní nach ar
ſhíolchuir mé?
23 Ar a nadhbharſin créd fá nar
chuir tuſa mo chuid airgid ann ſa
mbanc, agus ar dteachd damhſa do
thóigeubhuinn é malle lé biſeach?
24 Agus a dubhairt ſé ris an muin-
tir do bhí na ſeaſamh, Tóguidh úadh an
píoſa, agus tabhruidh don té úd agá
bhfuilid na deich bpíoſa é.
25 (Agus a dubhradarſan ris; A
Thighearna, atáid deich bpíoſa aige.)
26 Oir a deirim ribh, Gur ab do
gach áon agá bhfuil, do bhéarthar:
agus an té ag nach bhfuil Ní aige,
beanfuighear dhe fós an Ní atá aige.
27 Agus fos tabhruidh libh an ſo
na naimhde úd agamſa le nar bháill
miſi do ríoghadh ós a gceann, agus
marbhaidh am fiadhnuiſi [íad.]
28 Agus ar na rádh ſo, do chúaidh
ſé rompa ag dul ſúas go Hiaruſa-
léim.
29 Agus tárla an tan do dhruid
ſé lé Betphágé agus ré Betánia, láimh
ris a tſliabh dá ngoirthear ſliabh na
noluidhe, gur chuir ſé días da dheiſ-
ciobluibh úadh,
30 Ag rádh; Imthighidh don bhaile
atá as bhur gcomhair: ar ndul a
ſdeach ann dáoibh, do gheabhtháoi ſear-
rach ceangailte, ar nar ſhuidh áon nduine
ríamh: ſgáoilidh, & tabhruidh libh é
31 Agus dá bhfiafruidhe éin neach
dhíbh, Créd fa ſgáoilti é? is mar ſo
a déartháoi ris, Ar ſon go bhfuil feidhm
ag an Tighearna air.
32 Agus ar nimtheachd do na
teachdairidhibh, fúaradar mar a dubhairt
ſé ríu.
33 Agus ar ſgáoileadh an tſearraigh
dhóibhſion, a dubhradar a thighearnui-
dhe ríu; Créd fá ſgáoilti an ſearrach?
34 Agus a dubhradarſan, Tré go
bhfuil feidhm ag an Tighearna air.

35 Agus rugadar léo é chum Jósa:
agus ar dteilgean a mbrat ar a tséar-
rach, do chuireadar Jósa air.
36 Agus ag imtheachd dósan do
leathnuigheadar a néaduighe ar a tslighe.
37 Agus an tan do dhruid sé ré
casaigh shléibhe na noluidheadh, do
thionnsgain an chuideachda dheisciobal
uile go lúathgháireach, Dia do mho-
ladh do ghuth mhór ar son gach uile
subhailcighe dá bhfacadur,
38 Ag rádh, Is beannaighe an Rí
thig a nainm an Tighearna: síothcháin
ar neamh, & glóir an sna hárduibh.
39 Agus a dubhradar Phairisínigh
áirighe don tslúagh: A maighisdir, ta-
bhuir achmhasán dod dheisciobhlaibh.
40 Agus ar bhfreagra dhósan a du-
bhairt sé riú: A deirim ribh, má
thochduid so, go néighfid na clocha féin.
41 Agus mar do dhruid sé a radharc
na caithreach, do ghuil sé air a son,
42 Ag rádh, O dá naitheantá ann sa
lá sa agad féin fós, na neithe bheanas
réd shíothcháin: achd atáid siad a nois
foluighthe ód shúilibh.
43 Oír tiocfuid láethe ort ann a
dteilgfid do naimhde díog ad thimcheall,
agus iona dtimchiollfaid agus iona
gcuibhreochaid thú gach éantáobh:
44 Agus do dhéanuid comhchothrom
ris an dtalamh thú, agus do chlann
ionnad a stigh: agus ní fhúigfid
cloch ar muin cloiche ionnad: tré
nar aithin tú aimsear thfiosruighthe.
45 Agus ar ndol a sdeach don
teampall dhó, do thionnsgain sé an
dream do bhí ag reic agus ag cean-
nach ann, do chur amach.
46 Ag rádh riu, Atá sgríobhtha; Mo
thighse, is tigh urnuighe é: achd cheana
do rinnebhairsi tuinighthe bhiothamh-
nach dhe.
47 Agus do bhíodh sé teagasg gach
lá ann sa teampall. Agus diarradar
uachdaráin na sagart agus na sgrío-
buidhe, agus cinn an phobuil eision do
mharbhadh.
48 Gidheadh ní raibh a fhios aca
créd do dhéunaidís: óir do bhí an po-
bal uile ro-aireach air éisdeachd risean.

CAIB. XX.

*Attimcheall ùghdarras Chriosd, 9 an fhí-
neambain, 27 & an Eiserghe.*

AGus tárla áon do na láethibh sin,
an tan do theagaisg séision an
pubal ann sa teampall, agus do
sheanmoir sé an soisgéul, go dtan-
gadar uachdaráin na sagart agus na
sgríobuidhe, maille ris na sinnsearuibh
chuige.
2 Agus do labhradar ris, ag rádh;
Innis dúinne, cía an tughdarrás as a
ndéanann tú na neithesi, nó cía thug
an tughdarrás so dhuit?
3 Agus ar bhfreagra Díosa a du-
bhairt sé riu, Fiafrochaidh misi fós
áonfhocal amháin dibhse; agus ta-
bhruidh freagra oram.
4 Baisdeadh Eóin, ann ó neamh do
bhí sé, nó ó dháoinibh?
5 Agus do bhádarsan ag tagra
eatarra féin, ag rádh: Má deirmid ó
neamh; déara seisean, Máseadh, créd
fá nar chreideabhairsi dhó?
6 Achd má deirmid, ó dháoinibh;
géubhuidh an pobal uile do chlochaibh
orainn: Oír is deimhin léo gur fáigh Eóin.
7 Agus do fhreagradar, Nach raibh a
fhios aca féin gá hás [dó.]
8 Agus a dubhairt Jósa riu; Ní mó
innéosas misi dhíbhsi, cia an túghdar-
rás as a ndéunuim na neithesi.
9 Agus do thionnsgain sé an cho-
samhlachdsa do rádh ris an bpobal:
Do chuir duine áirighe fíneamhuin,
agus tug sé amach do sgológuibh í:
agus do bhí sé féin a gcoigcrích air
feadh aimsire faide.
10 Agus na am [féin] do chuir sé a
a shearbhfoghantuighe chum na sgológ
ionnus go dtiobhraidís [ní] do thoradh
na fíneamhna dhó: achd do ghabhadar
na sgológa air, agus do chuireadar
folamh uátha é.
11 Agus do chuir sé searbhshoghan-
tuighe eile úadh a rís: achd ar nga-
bháil air sin leis, & ar dtabhairt easo-
nóra dhó, do chuireadar folamh uáth é.
12 Agus na cheann sin do chuir sé
an treas [searbhshoghantuighe] uadh:
achd do chuireadarsan amach an tésin
leis, ar na lot.
13 Achd a dubhairt Tighearna na
fíneamhna, Créd do dhéana mé? cuir-
fidh mé mo mhac grádhach féin [chuca:]
do béidir an tan do chífid é, go dtio-
bhraidís onóir dhó.
14 Agus ar na fhaicsin do na
sgológuibh, do labhradar éatarra féin,
ag rádh: A sé so an toighre: tigidh,
marbham é, ionnus go mbíadh a noi-
ghreachd aguinn féin.
15 Agus ar na theilgean don táobh
amach don fhíneamhain, do mharbhadar
[é.] Ar a nadhbharsin créd do dhéa-
nas Tighearna na fíneamhna riú súd?
16 Tiocfuidh sé agus sgriosfuidh sé
na sgológa úd, agus do bhéura sé a
fhíneamhuin do dháoinibh eile. Agus
an tan do chúaladarsan [so,] a dubhra-
dar: Nár léige Dia sin.
17 Achd ar bhféachain dósan órrtha
a dubhairt sé: Máseadh créd é an ní
so atá sgríobhtha: An chloch do dhiúl-
tadar na saoir, is di so do rinneadh
ceann an chuáinne?
18 Gidh bé duine thuitfeas ar an
gcloich úd, do dhéantar greamanna
dhe: agus gidh bé duine ar a dtuitfidh
sí, do dhéana sí luaithreadh dhe.
19 Agus diarradar uachdaráin na
sagart agus na sgríobuidhe lámha do
chur annsan air a nuair sin féin: achd
do bhí eagla an phobuil orrtha: óir
do aithneadar gur ab na naghuidh féin
a dubhairt sé an chosamhlachdso.

20 Agus ag 'tabhairt aire ris, do chuireadar luchd bratha do léigſeadh orrtha féin a bheith na bhfiréin: ionnus go ngreamóchaidis air a chomhrádh, do chum a thabhartha do chumhachd agus dughdarrás a nuáchdaráin.

21 Agus dfiafraigheadar dhe, ag rádh ;A mhaighiſdir, atá a fhios againne gur ceart labhras tú, agus theagaiſgeas tú, agus nach bhfuil cion agad ar phearſain áonduine, achd go dteagaſgann tú ſlighe Dé do réir na firinne?

22 An ceaduightheach dhúinne cíos do thábhairt do Sheáſar, nó gan [a thabhairt?]

23 Achd tug ſeiſean a meabhail dá aire, agus a dubhairt ſé ríu; Créd fá gcurtháoi cathughadh oram?

24 Taisbéanaigh dhamh pighinn: cía ar leis a niomháigh agus an ſgríbhinn atá uirthe? agus ar bhfreagra dhoibhſion, a dubhradar; Lé Séaſar.

25 Achd a dubhairt ſeiſion ríu: Ar a nadhbharſin, tabhruidh do Sheáſar, na neithe is lé Séaſar: agus na neithe is lé Día, do Dhía.

26 Agus níor fhéadadar greamughadh air a bhriathra a bhfíadhnuiſi an phobuil: & ag déanamh iongantais ann a fhreagarthuibhſion, do thochdadar.

27 Agus ar dteachd do dhruing do na Saduceachaibh chuige (noch ſhéanas a neiſéirghe do bheith ann) dfiafruigheadar dhe,

28 Ag rádh; A mhaighiſdir, do ſgríobh Máoiſi dhúinn, dá bhfaghadh dearbhráthair dhuine ar bith bás, agá mbía bean phóſda, & go bhfuigheadh ſé bás gan chloinn, go ngéubhadh a dhearbhrathair chuige an bhean, & go tóigéubhadh ſé ſliochd dá dhearbhrathair.

29 Ar a nadhbharſin do bhádar móirſheiſior dearbhrathar ann, agus ar ngabháil mná chuige don chédfhear, fúair ſé bás gan chloinn.

30 Agus do ghabh an dara dearbhrathair chuige an bhean, agus fúair ſeiſion leis bás gan chloinn.

31 Agus do ghabh an treas dearbhráthair chuige í: agus mar an gcéadna an móirſheiſior; & níor fhágbhadar clann, agus fúaradar bás.

32 Agus a ndiaigh cháich uile fúair an bhean bás mar an gcéadna.

33 Ar a nadhbharſin ann ſa neiſéirghe, cía aca ſúd dá madh bean í? óir do bhí ſí ag móirſheiſior na mnáoi.

34 Agus ag freagra, a dubhairt Jéſa ríu: Póſaid clann an tſáoghailſi mná, agus do beirthear dfearuibh íad:

35 Achd cheana an dream mheasfuidhthear gur fiú íad an ſáoghal úd, & eiſéirghe ó na marbhuibh dfagháil, ní phóſaid mná agus ní thugthar dfearuibh íad:

36 Oír ní héidir léo bás dfagháil ní ſa mhó: Oír atáid ſíad mar na haingle, agus na gcloinn ag Día, ar mbeith na gclóinn ag a neiſéirghe.

37 Achd go néiréochadh na mairbh dfoillſigh Máoiſe leis ag an dos, an tan do ghoireas ſé don Tighearna, Dia Abraham, & Dia Iſaac, & Día Jácob.

38 Oír ni hé Día na marbh é, achd na mbéo: óir atáid ſíad uile na mbeathaigh dhóſan.

39 Agus ar bhfreagra do dhruing do na ſgríobuidhibh a dubhradar: A mhaighiſdir, is maith a dubhairt tú [ſin.]

40 Agus níor lamhadar ó ſin ſúas ní ar bith fhiafruighe dhe.

41 Agus a dubhairt ſé ríu: Cionnas a déirid ſíad gur mac do Dháibhi Críoſd?

42 Agus a deir Dáibhi féin a leabhar na Salm: A dubhairt an Tighearna rém Thighearnaſa, Suidh ar mo láimh dheis,

43 No go gcuire mé do námhuid na ſdóſ fád chosaibh!

44 Ar a nadhbharſin goiridh Dáibhi Tighearna dhe, & cionnas is mac dhó é?

45 Agus a néiſdeachd an phobuil uile, a dubhairt ſé ré na dheiſcíobluibh féin,

46 Tabhruidh aire dháoibh féin ó na ſgríobuidhibh, len ab áill ſiobhal a róbuidhibh fada, agus lé mab ionmhuin failtighe ar na marguidhibh, & na cédionuid ſuighthe ann ſna coimhthionóluibh, & na céadchuibhrinn ann ſna féaſduidhibh:

47 Noch ſhluigeas tighthe na mbaintreabhach, agus ſin fós ar ſgáth bheith go fada ag urnuighe: do gheabhuid ſo an damnadh is truime.

C A I B. XXI.

Féile chlúthach na baintreabhaigh, 6 Sgrios Jaruſalem, 25 & deireadh an Domhain.

AGus ag féuchain dó, do chunnairc ſé na dáoine ſaidhbhre ag cur a tiodhlaiceadh a náit coimhéuda an chiſde.

2 Agus do chunnairc ſé fós baintreabhach bhochd áirighe, ag cur dhá leithfheóirlinn ann.

3 Agus a dubhairt ſé, A deirim ribh go firinneach, gur ab mó do chuir an bhaintreabhach bhochdſa ann, ná cách uile.

4 Oír is do niomarcuidh atá aca, thugadar ſo uile tiodhlaice do Dhía: achd do chuir ſiſi dá bochdachd féin a beatha uile ann.

5 Agus a dubhairt ſé ré druing áirighe do bhí ag labhairt ar an dteampall: tré go raibh ſé ar na dheaghmhaiſiughadh do chlochaibh áille, agus do thiodhluicthibh.

6 Iádſo do chíthiſe, tiocfuid láethe ann nách bhfuigfighthear cloch air chloich dhíobh, nach ſgáoilfighthear ó chéile.

7 Agus dfiafruigheadar dhe, ag rádh; A mhaighiſdir, cía a núair bhéid na neitheſi? & créd é an comhthartha [bhías ann] an tan do dhéantar iad ſo?

8 Achd a dúbhairt ſeiſion, Féachaidh nach meallfuighthear ſibh: óir tiocfuid mórán am ainmſi, ag rádh; Is miſi é: & do dhruid a naimſir linn. Ar a nadhbharſin, ná leanuidh íad.

9 Agus an tan do chluinfidhe cogtha

agus

agus búaidheartha, ná bíodh eagla
oruibh : óir is éigin iad so do theachd air
tús, achd ní deireadh é fós.
10 A dubhairt sé ríu an tansin ; Eireo-
chaidh cineadh a naghuidh cinidh, agus
ríoghachd a naghaidh ríoghachda :
11 Agus béid creatha móra talmhan a
mórán dáitibh, agus gorta, agus plá-
gha, agus neithe úathbhásacha, agus co-
mharthuighe móra ó neamh.
12 Achd rompa so uile, cuirfid siad
lámha ionnuibhsi, agus gérleanfaid [sibh,]
dá bhar dtabhairt do na coimhthiono-
laibh, agus do na príosúnuibh, dá bhur
mbreith chum righthe, agus chum úach-
darán, ar son manmasa.
13 Achd teigeamhuidh so dháoibhse
mar fhiadhnuisi.
14 Ar a nadhbharsin, daingnidhidh
ann bhar gcroidhthibh gan a smúain-
tiughadh roimhe láimh cionnas do fhrea-
góradh sibh ar bhar son féin :
15 Oír do bhéara misi béul dáoibh,
agus eagna nach budh héidir lé bhur neas-
gcáirdibh uile labhairt, ná cur na ha-
ghuidh.
16 Agus braithfidhthear sibh fós ó bhar
naithreachaibh, agus ó bhar maithrea-
chaibh, agus ó bhar ndearbhráithrea-
chaibh, & ó bhar ngáoltuibh, & ó bhar
gcáirdibh : agus do bhéaruid fá deara
cuid dhíbh do chur chum báis.
17 Agus biaidh fúath ag gach uile
dhuine dháoibh ar son manmasa.
18 Achd ní racha rúainne do ghrúaig
bhar gcinn a mugha.
19 Sealbhuighidh bhar nanmanna féin
lé bhar bhfoighid.
20 Agus an tan do chífi Jérusalem ar
na timcheallughadh ó shlúaghuibh, bíodh
a fhios aguibh an tansin gur ab fogas a
fásughadh.
21 An sin an dream bhías a ttír Jú-
dáighe, teitheadh siad fá na sléibhtibh :
agus an luchd bhías ann a lár, imdhi-
gheadh siad aisde : agus an dream bhías
ar na machairidhibh, ná héirgheadh
siad a sdeach innte.
22 Oír a siad so láeithe an dioghal-
tuis, ionnus go gcoimhlionfuidhthe na
huile neithe atá sgríobhtha.
23 Agus budh trúagh do ná mnáibh
bhías torrach, agus ag oileamhuinn ann
sha láethibh úd : Oír biaidh riachdanas
romhór ann sa dúithche, agus fearg ris
an bpobalsa.
24 Agus tuitfid lé fáobhar an chloi-
dhimh, agus béarthar a mbraighdeanas
iad chum na nuile chinidheach : & biaidh
Ierúsalém ar na saltairt faoi na cindhea-
chaibh, Nó go gcoimhliontar aimsearacha
na gcinidheach.
25 Agus béid comhtharthuighe ann sa
ngréin, agus ann sa ngealuigh, agus ann
sna réultannuibh : agus combrúghadh
na gcinidheach ar an dtalamh tré úath-
bhás, ag búirfigh don fhairge agus do na
tonnuibh.
26 Agus racha a nanam as na dáoi-
nibh tré eagla agus tré bheith ag fei-
theamh ris na neithibh thiocfas ar an
domhan : Oír croithfithear cumhachda
neimhe.
27 Agus ann sin do chífid mac an
duine ag teachd a néull maille lé cumh-
achda, agus lé glóir mhóir.
28 Agus an tan thionnsgóntar na nei-
thesi do dhéanamh, féachuidh súas agus
tógbhaidh bhár gcinn, óir is fogus dáoibh
bhar bhfúasgladh.
29 Agus a dubhairt sé an chosamh-
lachdsa ríu ; Féachaigh an crann fige
agus na huile chrann.
30 An tan sgeithid [a nduilleabhar]
air na fhaicsin dáoibhsi, aitheantaoi
úaibh féin gur fogus an samhradh an sin.
31 Is mar sin dáoibhsi an tan do chífi
na neithesi déanta, bíodh a fhios a-
guibh gur ab fogus atá ríoghachd Dé.
32 A deirim ribh go fírinneach, nach
racha an dinisi thort nó go ndéantar
na neithesi uile.
33 Rachaidh neamh & talamh thort,
achd ní rachaid mó bhriathrasa thort go
bráth.
34 Achd tabhruidh bhur naire dhíbh
féin, deagla go mbíadh sibh, tromchroidh-
theach úair ar bith ó chráos & ó mheisge,
& ó rochúramuibh na beathasa : agus go
dtiocfadh an lá úd go hobann oraibh.
35 Oír tiocfa sé mar dhul ar na huile
dhaoine dá náitrigheann ar úachdar na
talmhan uile.
36 Ar a nadhbharsin déanuidh faire, ag
guidhe gach uile úair ionnus go mea-
suigh gur fiú sibh dul as ó na neithibhsi
uile atá chum teachda, & go seasmhó-
chadh sibh a bhfiadhnuisi mhic an duine.
37 Agus do bhíodh sé teagasg sa ló ann
sa teampall : achd ann sa noidhche ar
nimtheachd dó amach, do chomhnui-
gheadh sé ar a tsliabh dá ngoirthear
[sliabh] na noluidheadh.
38 Agus do thigeadh an pobal uile
chuige go moch, déisdeachd ris ann sa
teampall.

CAIB. XXII.

*Chaith an deamhan ar Iudas chum faillin-
ghadh ar Chriosd. 54 do shéun Peadar é.
66 ach dadaimh sé féin gur ab mac Dé é.*

AGus do dhruid féasda a naráin gan
laibhín [ríu,] dá ngoirthear an
Cháisg :
2 Agus do bhí úachdarain na sagart
agus na sgríobuidhe ag iarruidh cionnus
do mhuirfidís eision : óir do bhí eagla
an phobuil orrtha.
3 Achd do chúaidh Sátan a Niúdas
dar chomhainm Iscáiriot, do bhí do
nuibhir an dá fhear dhéug.
4 Agus ar nimtheachd amach dhó, do
labhair sé ris na hárdshagartaibh, agus ris
na húachdaranuibh, cionnas do bhraith-
feadh sé eision dhóibh.
5 Agus do ghabh lúathgháire iadsan
agus do rinneadar cunnradh ris, air-
gead do thabhairt dó.

6 Agus

6 Agus do gheall seision [sin,] agus
diarr sé faill ar eision do bhrath dhóibh
an tan nach biadh an pobal a láthair.
7 Achd táinic lá a naráin gan lai-
bhin, ann ar bhéigin an [túan] Cásg
do mharbhadh.
8 Agus do chuir [Jósa] Peadar agus
Eóin úadh, ag radh : Imdhigh, agus
ullmhuighidh dhúinn an [túan] Cásg
do chum go niosmáois [é.]
9 Achd a dubhradarsan ris, Cía a náit
ann a toil leachd sinn dá ullmhughadh?
10 Agus a dubhairt sé ríu ; Féuch,
tar éis dul a sdeach sa chathraigh
dhóibh, teigeamhuidh duine áirighe
ruibh ag iomchar shoighthigh uisge, lea-
nuidh é don tigh iona racha sé a sdeach.
11 Agus abruidh ré fear an tighe ; A
deir an Maighisdir riot, Cáit a bhfuil
an lóisdín iona niosa mé an Cháisg
maille rem dheisciobluibh?
12 Agus taisbéanuigh seision dáoibh
seomra mór deaghmhaisioch : ullmhui-
ghidh ann sin é.
13 Agus ar nimtheachd dóibhsion
fuaradar mar a dubhairt seision ríu : &
dullmhuigheadar an Cháisg.
14 Agus an tráth tháinic an tam, do
shuidh sé sios, agus a dhá dheisciobal dég
maille ris.
15 Agus a dubhairt sé ríu: Do bhí
fonn romhór oram an Cháisgse do chai-
theamh maille ribhsi suil fhuileongas mé.
16 Oir a deirim ribh, Nach íosa mé
í be ní as mhó, nó go gcoimhlíontar
í a ríoghachd Dé.
17 Agus ar ngabháil an chupáin
chuige, ar mbreith buidheachais dó, a
dubhairt sé ; Glacaidh so, agus roinnidh
eadruibh é.
18 Oir a deirim ribh, Nach iobhtha
mé do thoradh na fíneamhna, nó go
dtí ríoghachd Dé.
19 Agus ar ngabháil a naráin chuige,
ar mbreith buidheachais dó, do bhris,
agus tug sé dhóibhsean é, ag rádh ; A
sé so mo chorpsa, do bhearthar áir bhur
sonsa : déanuidh so mar chuimhne oram-
sa.
20 Agus mar an gcéadna an cupán
fós, tar éis suipéir, ag rádh ; [A sé] an
cupánsa an tiomna núa ann mfuilsi, dhóir-
tear ar bhar sonsa.
21 Achd cheana, Féuch, lámh an té
bhraitheas misi am fhochair ar an mbórd.
22 Agus imthighidh mac an duine go
deimhin, do réir mar do hórduigheadh :
gidheadh is mairg don duine úd lé
mbraithtear é.
23 Agus do thionnsgnadarsan a fhiaf-
ruigh eatarra féin, Cía aca bhíadh ar
tí so dhéanamh.
24 Agus fós déirghidh imreasáin eatarra,
Cía aca measfuighthe bheith ní as mó.
25 Achd a dubhairt seision ríu ; Atá
Tighearnas ag righthibh na gcinidheach
orrtha, agus an dream agá bhfuil cu-
mhachda orrtha, goirthear dáoine flai-
theamhla dhíobh.

26 Achd ní mar sin dáoibhse : achd
an té as mó eadruibh, bíodh sé mar an
té is lugha, agus an té is áirde eadruibh
mar an té do ní miniosdralachd.
27 Oir cia aca is mó, an té shuigheas
ar an mbórd, nó an tí do ní friothó-
lamh ? a né nach é an té shui-
gheas ? achd atáimsi eadruibhse mar an
té do ní friotholamh.
28 Agus is sibhsi dfan am fhochairsi
ann mo chathuighthibh.
29 Ar a nadhbharsin órduighim dháoibh-
si ríoghachd, mar do órduigh máthair
féin damhsa.
30 Ionnus go níosdáoi agus go níobh-
tháoi ar mó bhórdsa ann mo ríoghachd
féin, agus go suighfi ar chaithireachaibh
ag breith bhreithe ar dhá threibh dhéug
Israél.
31 Agus a dubhairt an Tighearna ; A
Shimóin, a Shimóin, Féuch, diarr Sá-
tan sibhsi le bhar gcáthadh, mar chruith-
neachd :
32 Achd do ghuidh misi air do shonsa,
ionnus nach dtráoithfeadh do chrei-
deamh : agus air bhfilleadh úair éigin
duitse, neartuigh do dhearbhraithreacha.
33 Agus a dubhairt seision ris ; A Thi-
ghearna, atáim ullamh air dhul leachdsa
chum príosúin, agus chum báis leis.
34 Achd a dubhairt seision : A deirim
riot a Pheadair, nach goirse an coileach
a níu, nó go séana tú trí húaire go bhfuil
aithne agad oramsa.
35 Agus fós a dubhairt sé ríu, An tan
do chuir mé úaim sibh gan sparán, ná
mála, ná bróga, an raibh uireasbhuigh
éin neithe oruibh ? agus a dubhradar-
san, Ní raibh.
36 Ar a nadhbharsin a dubhairt sé
ríu ; Achd a nois, gidh bé agá bhfuil
sparán tógbhadh sé é, agus a mhála mar
an gcéadna : agus gidh bé ag nach
bhfuil, reacadh sé a bhrat, agus ceann-
chadh sé cloidheamh.
37 Oir a deirim ribh, Gur ab éigin
fós an ní atá sgríobhtha do choimhlío-
nadh ionnamsa ; & Atá sé ar na chomh-
áireamh a measg na ndáoine coir-
theach : óir na neithe úd atá am thaoi-
bhse, atá deireadh aca.
38 Achd a dubhradarsan ; A Thighear-
na, Féuch, dhá chloidheamh ann so.
Achd a dubhairt seision ríu ; Is lór sin.
39 Agus ar nimtheachd amach dhó,
do chúaidh sé do réir a ghnáthuighthe
go sliabh na noluidheadh : Agus fós do
leanadar a dheisciobuil é.
40 Agus an tan tháinic sé chum na
háite, a dubhairt sé ríu ; Déanuidh ur-
nuighe ionnus nach dteigeamhadh sibh
a ccáthughadh.
41 Agus do tairrngeadh eision úatha,
a dtimcheall urchair cloiche, agus agá
léigean air a ghlúinibh, do rinne sé
urnuighe :
42 Ag rádh ; A athair, mas toil leachd,
cuir an cupánsa thoram : achd cheana
mar

nar ab í mo thoilsi, achd do thoilsi do
dhéantar.
43 Agus do taisbéanadh dhó aingeal
ó neamh dá chomhfhurtachd.
44 Agus ar mbeith a nanbhuáin mhóir
dhósan, do rinne sé urnuighe ní as dith-
chiolluighe. Agus do bhí a allas mar
bhráona fola ag tuitim ar talamh.
45 Agus an tan déirigh sé ó urnuighe,
tháinic sé chum a dheisciobal, agus
fuáir sé na gcodladh iad tré thuirsi.
46 Agus a dubhairt sé ríu, Créd fá
gcodaltáoi? éirghidh, agus déanuidh
urnuighe, do chum nach dtuitfeadh sibh
a gcathughadh.
47 Agus ag labhairt dó fós, Féuch an
slúagh, agus an té dá ngoirthí Júdas, áon
don dá fhear dhéag, ag gabháil rompa,
agus do dhruid sé ré Híosa do thabhairt
póige dhó.
48 Agus a dubhairt Jósa ris; A Júdais,
an lé póig bhraitheas tú mac an
duine?
49 Agus an tan do chunncadar an
dream do bhí na thimcheallsan an ní
do bhí ag teachd, a dubhradar ris; A
Thighearna, an mbuáilfeam lé cloi-
dheamh?
50 Agus do bhuáil fear dhíobh searbh-
fhoghantuidhe a nárdshagairt, agus do
bhean sé a chlúas dheas de.
51 Achd do fhreagair Jósa, agus a du-
bhairt: Fuilngidh go soithe so. Agus ar
mbuáin ré na chluáis súd, do shlánuigh
sé é.
52 Agus a dubhairt Iósa ris na hard-
shagartaibh, & úachdaránuibh an team-
puill, agus na seinnsearaibh tháinic
chuige; An dtangabhair amach lé cloi-
dhimhthibh agus le batuidhibh amhuil
chum bhiothamhnuigh?
53 An tan do bhí mé gach lá agaibh
sa teampall, níor shíneabhair lámha
dhamh: achd a sí so bhar nuáirsi, agus
cumhachda an dorchaduis.
54 Achd ar mbreith airsion rugadar
léo é, go tigh an ardshagairt. Agus do
lean Peadar a bhfad uadh [é.]
55 Agus an tráth do lasadar teine ar
lár a halla, agus do shuigheadar na tim-
chioll a bhfochair a chéile, do shuidh
Peadar eatarra.
56 Agus an tan do chunnairc cailín ái-
righe é na shuidhe ag an teinidh, ar
bhféachain go gér dhí air, a dubhairt
si, Do bhí an fearso fós na fhochair súd.
57 Agus do shéan seision é, ag rádh; A
bhean, níor bhaithnid damh é.
58 Agus beagán na dhiáigh sin, ar na
fhaicsin do neach eile, a dubhairt sé;
Agus is díobh súd thusa fós: achd a
dubhairt Peadar; A dhuine, ní díobh
misi.
59 Agus a dtimcheall áonuáire amháin
na dhiáigh sin, do dhearbhuigh neach
áirighe eile, ag rádh; Go fírinneach
do bhí an tési leis na fhochair súd:
óir is Galiléeach é.
60 Achd a dubhairt Peadar, A dhuine
ní bhfuil a fhios agam créd a deir tú.
Agus ar an mball an seadh do bhí sé
ag labhairt, do ghoir an coileach.
61 Agus ar gcasadh don Tighearna
dféuch sé ar Pheadar: agus do chuimh-
nigh Peadar ar chomhrádh an Tighear-
na, cionnas a dubhairt sé ris, Sul
ghoirfeas an coileach, séanfuidh tú mé
trí huáire.
62 Agus ar ndol amach do Pheadar,
do ghuil sé go gér.
63 Agus na dáoine do chuinnigh Íosa
do rinneadar fonómhad faoi, dá bhua-
ladh:
64 Agus an tan do fholuigheadar é,
do bhuáileadar a aghuidh, agus dfia-
fruidheadar dhe, ag rádh; Déana fái-
gheadóireachd, cía bhúail thú.
65 Agus a dubhradar mórán do nei-
thibh eile na aghaidh dhá mhaslughadh.
66 Agus mar déirigh an lá, do chruin-
nigheadar sinnsir an phobuil, agus na
hárdshagairt, agus na sgríobuidhe, a
bhfochair a chéile, agus tugadar eision
chum a gcomhairle féin,
67 Ag rádh; An tusa Críosd? innis
dúinne. Agus a dubhairt seision ríu;
Má innisim dháoibh, ní chreidfidhe [mé.]
68 Agus fós ma fhíafruighim [ní
dhíbh] ní thiobharthaoi freagra oram,
agus ní léigfi uáibh [mé.]
69 O so amach biáidh mac an duine
na shuighe ar deis chumhachd Dé.
70 Agus a dubhradar uile ris; mar
sin an tusa mac Dé? agus a dubhairt
seision ríu; A deirthísi gur ab mé.
71 Achd a dubhradarsan, Créd é an
riachdanus fiadhnuisi atá oruinn fea-
da: óir do chualamar féin as a bhéal
féin é.

CAIB. XXIII.

Críosd, 11 ar na thaircaisniughadh re sa-ruaidh, 24 & ar na chéasadh lé Pioláit, 34 do ghuidh sé arson maitheamhnas dá naimhdibh.

AGus ar néirghe dá ccoimhthionól uile,
rugadar chum Pioláid é.
2 Agus do thionnsgnadar cúis do chur
air, ag rádh; Fuaramar an fearsa ag
iompódh ar gcinidh; agus ag toir-
measg cíosa do thabhairt do Shéasar,
ag radh gur ab é féin Críosd an Rí.
3 Agus dfiafruidh Pioláid dhe, ag
rádh; An tusa Rí na Niudaighe? agus
ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris;
A deir tusa sin.
4 Agus a dubhairt Pioláid ris na
hárdshagartuibh agus ris a tslúagh; Ní
fhaghaimsi cúis ar bith air a bhfearso.
5 Achd do theannadarsan orrtha, ag
rádh; Buáidhridh sé an pobal, ag te-
gasg ar feadh thíre Iúdaighe uile, ag
tosughadh ón Ghalilé go soithe so.
6 Agus mar do chúaluidh Pioláit teachd
thar an Ngalilé, dfiafruidh sé dhe mar
Ghaliléeach é.

7 Agus an tan daithin sé gur ab fá
chumhachduibh Ioruaith dó bhí sé, do
chuir sé ar ais é chum Ioruaidh, do bhí
a Nierusalém ann sna láethibh sin.
8 Agus ar bhfaicsin Iósa Dioruáidh,
do ghabh lúathgháire mhór é: óir do
bhí fonn air ré fada eision dfaicsin, do
bhrígh go gcúaluidh sé mórán air: agus
do bhí dóchas aige go bhfaicfeadh sé
comhtharra éigin ar na dhéanamh leis.
9 Agus dfiafruidh sé mórán do cheas-
tionnuibh dhe: achd ní thug seision frea-
gra ar bith air.
10 Agus do sheasadar na hárdshagairt
agus na sgríobuidhe, ag déanamh ca-
saoide air go dithchiollach.
11 Ach tug Ioruáidh maille ré na luchd
cogaidh tarcuisne air, agus do rinneadar
fonómhad faoi, agus ar na éadughadh
lé héadach geal, do chuireadar chum
Pioláid a rís é.
12 Agus an lásin féin, do rinneadh
Ioruaith agus Pioláid na gcáirdibh dhá
chéile: óir do bhádar na naimhdibh
ag a chéile roimhe sin.
13 Agus ar ngairm na nárdshagart
agus na núachdarán, agus an phobuil
do Phioláid:
14 A dubhairt sé ríu; Tugabhair chu-
gamsa an duinesi, mar neach iompoi-
gheas an pobal: agus Féuch, ar gceasdu-
ghadh ris damhsa ann bhar bhfiadhnuisi
féin, ní fúair mé coir ar bith ar a duine do
na neithibh agá ndéantáoisi casaoid air:
15 Agus fós ní fhúair Ioruáidh: óir
do chuir mé chuige sibh, agus Féuch, ní
dhearnuidh ní ar bith leis do thuillfeadh
bás.
16 Ar a nadhbharsin ar na smachdu-
ghadh, léigfidh mé uáim é.
17 Oír dob éigean dó neach éigin do
léigean amach dhóibh ann sa bhféasda:
18 Achd do éigh an choimhthionól
uile ag rádh: Beir uáinn an fearsa, agus
sgoil dúinne Barabbas;
19 Do bhí ar na chur a bpriosún tré
cheannairc áirighe, agus trí mharbhadh
do rinneadh ann sa chathraigh.
20 Ar a nadhbharsin do labhair Pío-
láid ríu a rís, ar mbeith fonnmhar dhó
ar Iósa léigean úadh.
21 Achd do éimhgheadarsan a rís, ag
rádh; Croch, croch é.
22 Agus a dubhairt sé ríu an treas
uair; Achd créud é an tolc do rinne sé?
ní fhuáir misi cúis bháis ar bith air:
ar a nadhbharsin ar na smachdughadh
léigfidh mé amach é.
23 Achd do sheasadarsan go cruáidh na
aghaidh lé gothannuibh móra, ag iarruidh
eision do chrochadh: & do bhuaidhea-
dar a ngothasan agus [gotha] úachdarán
na sagart.
24 Agus rug Pioláid do bhreith an ní
diarradarsan do dhéanamh.
25 Agus do léig sé amach chuca an té
do teilgeadh a bpriosún ar son cheann-
airce, & marbhtha, noch do iarradar:
agus tug sé Iósa dhá dtoilsion.
26 Agus an tan do rugadar léo é,
ar mbreith ar Shirénach áirighe [dar
bhainm] Símon, do bhí ag teachd ón
túaith, do chuireadar an chroch air dá
hiomchar a ndiaigh Iósa.
27 Agus do lean cuideachda mhór don
phobal agus do na mnáibh é, do bhí fós
ag gul agus dá cháoineadhsan.
28 Agus ar bhfilleadh chuca a dubh-
airt Iósa: A ingheana Iárusaléim, ná gui-
lidh ar mo shonsa, achd guilidh ar bhar
son féin, agus ar son bhar gcloinne:
29 Oir Féuch, tiocfuid na láethe iona
naibéoruid siad: [Is] beannuighthe na
mná seasga, agus na cíocha nach dtug
bainne úatha.
30 Ann sin thionnsganaid a rádh ris
na sléibhtibh; Tuitigh oruinn: agus ris
na cnocaibh, Foluighe sinn.
31 Oir má nid siad na neithesi ris an
crann úr, Créd do dhéantar, ris an
ccríon?
32 Agus fós tugadh días eile meir-
leach dá ccur chum báis na fhochair-
sion.
33 Agus an tan tangadar do nionadh
dá ngoirthear Ait na cloigne, do chro-
chadar ann sin é féin, agus na meir-
ligh; fear air a dheis, agus fear eile air
a [láimh] chlé.
34 Agus a dubhairt Iósa; A athair,
maith dhóibh: óir ní bhfuil a fhios aca
créd do nid siad. Agus ag roinn a éa-
duighsion, do theilgeadar crannchar
[ortha.]
35 Agus do sheas an pobal ag fhéa-
chain [air.] Agus do rinneadar na huach-
daráin leis fonómhad faoi maille ríu-
san ag rádh; Dfóir sé ar dháoinibh eile,
fóireadh sé air féin, mas é so Críosd do
thogh Día.
36 Agus fós do rinneadar na saigh-
diúirigh fonómhad faoi, ag drud ris, &
ag tairgsin bhinéigre dhó:
37 Agus ag rádh; Mas tusa Rí na
Niuduigheadh, fóir ort féin.
38 Agus fós do bhí sgríbhneóireachd
sgríobhtha ós a chionn do litreachabh
Gréigis, & Laidni, agus Eabhrais, A SE
SO RI NA NIUDUIGHEADH.
39 Achd do bhí áon do na meirlea-
chaibh do crochadh, dá mhaslughadh,
ag rádh; Más tú Críosd, fóir ort féin
agus oruinne.
40 Agus ar bhfreagra don fhear eile,
do spreag sé é, ag rádh; A né nach bhfuil
eagla Dé ort, agus tú fa áondam-
nadh ris?
41 Achd sinne go deimhin go ceart:
(óir fúaramar na neithe do thuilleadar ar
ngníomhartha): achd ní dhearna an
tési olc ar bith.
42 Agus a dubhairt sé ré Híosa; A
Thighearna, cuimhnigh oramsa an tan
thiocfas tú ad ríoghachd féin.
43 Agus a dubhairt Iósa ris; A dei-
rim riot go fírinneach, go mbia tú am
fhochair a niu a bpárrthas.

44 Agus do bhí sé a dtimcheall an
séiseadh húair, agus do rinneadh dor-
chadas ar an dtalamh uile gus a náomh-
adh húair.
45 Agus do dorchuigheadh an ghrían,
agus do briseadh brat roinnte an team-
puill ann a lár.
46 Agus ar néigheamh Díosa do ghuth
mhór, a dubhairt sé; A athair, táobham
mo spiorad ann do lámhaibhsi. Agus an
tan a dubhairt sé na neithesi, do chúaidh
a spiorad as.
47 Agus an tráth do chunnairc an Caip-
tín an ní do rinneadh, tug sé glóir do
Dhía, ag rádh; Go f írinneach budh fíréan
an duinesi.
48 Agus an pobal uile tháinic a náoin-
f heachd dá f héachainsion, a núair do
chunncadar na neithe do rinneadh ann,
ag búaladh a nochda, do f hilleadar air
a nais.
49 Agus do sheasadar a dháoine ai-
theanta a bhfad [úadh,] agus na mná
do lean é ón Ghalilé, ag féachain ar
na neithibhsi.
50 Agus Féuch, tháinic fear dar bhainm
Jóseph, do bhí na chomhairleach, na
dhuine mhaith, agus na fhiréan:
51 Nach ar áontaigh dhá gcomhairle,
ná dhá ngníomh súd, ó Arimatéa cathair
do thír Júduighe; agá raibh súil fós re
ríoghachd Dé:
52 Ar ndul dó so chum Pioláid diarr
sé corp Jósa.
53 Agus ar na bhúain a nuas dó, do
chuir sé linéadach na thimcheall, & do
chuir sé a dtúama do bhí ar na tho-
chailt a gcarraic é, ann nach ar cuireadh
áonduine roimhesion a riamh.
54 Agus do bé sin lá a nullmhuigh-
the, agus do bhí an tsabboid ag druid
ríu.
55 Agus fós na mná do lean é, agus
tháinic leis ón Ghalilé, do chunncadar
an túama, agus cionnas do bhí a chorp-
san ar na chur.
56 Agus ar bhfilleadh dhóibh dull-
mhuigheadar spíosruidhe deaghbhaluidh,
& uinniméntighe; & do chomhnuidhea-
dar lá na sabbaide do réir na háithne.

C A I B. XXIV.

Soisgeul subhach na Naingeal do na mnáibh, um eiseirghe Chriosd, 36 Neach do thaisbein é fein dá Absdaluibh, 51 & chuaidh súas ar neamh.

AGus an céadlá don tseachdmhuin
tangadar go romhoch chum an
túama, ag tabhairt léo na neitheadh
deaghbhaluidh dullmhuigheadar: & mná
áirighe [eile] maille ríu.
2 Agus fúaradar an chloch ar na
hiomlat ón túama:
3 Agus ar ndul a sdeach dhóibh, ní
fhúaradar corp an Tighearna Jósa.
4 Agus tárla gur ghabh úathbhás íad
fán ní sin; agus Féuch, do sheasadar
días fear na naice a néaduighibh deal-
ruighthecha:
5 Agus ar ngabháil eagla dhóibhsion,
agus ar gcromadh a naighthe chum na
talmhan, a dubhradarsan ríu: Créad
fa niarthaoi eidir na marbhuibh, an té
atá béo?
6 Ní bhfuil sé ann so, achd déirigh sé.
Cuimhnighidh mar a dubhairt sé féin ribh
an feadh do bhí sé fós ann sa Ghalilé,
7 Ag rádh, Is éigin mac an duine do
thabhairt a lámhuibh dháoine peacthach,
agus a chrochadh, agus a eiséirghe an
treas lá.
8 Agus do chuimhnigheadarsan ar a
bhriathraibhsion.
9 Agus ar bhfilleadh ón túama, dfoill-
sigheadar na neithesi uile don éineasbal
dég, agus do chách eile uile.
10 Achd a si Muire Mhagdalén, &
Jóanna, agus Muire [mathair] Shéumais,
agus na mná eile do bhí maille ríu, do
nís na neithesi do na heasbuil.
11 Agus do mheasadarsan a mbríathra
mar éadruime cheille, agus níor chreid-
eadar dhóibh.
12 Agus ar néirghe do Pheadar do
rioth sé chum an túama: agus an tan
a dféuch sé a sdeach, do chunnairc sé an
linéadach na luighe leis féin, agus dim-
thigh sé ag déanamh iongantais leis féin
fán ngníomhsa.
13 Agus Féuch, do chúadar días díobh-
san an lásin féin go baile atá trí fichid
sdáide ó Jérusalém, dar ab ainm Emmaus.
14 Agus do bhádar ag labhairt eatar-
ra féin ar na neithibhsi uile thárla ann.
15 Agus tárla ar mbeith ag comhrádh
dhóibh, agus ag ceasdúghadh ré chéile,
go dtáinic Jósa féin, agus gur shiubhail
sé léo.
16 Achd do cungmhadh a súilesion,
ionnus nach aithneochaidís é.
17 Agus a dubhairt sé ríu; Créd iad
na comhairlesi air a bhfuiltí ag teachd
eadruibh féin, ag siobhal dibh, agus sibh
go brónach?
18 Agus ar bhfreagra do neach, dar
bhainm Cléophas, a dubhairt sé ris: An
bhfuil tusa ad áonar ad choigcrígheach
a Níarusalém, agus gan fios na neitheann
do rinneadh innte ann sna láethibhsi
agad?
19 Agus a dubhairt seision ríu; Créd
íad na neithe? agus a dubhradarsan ris,
Na neithe tháobh Jósa Nasardha, do bhí
na f háigh chumhachdach a ngníomh
agus a mbreithir a bhfiadhnuisi Dé, agus
an phobuil uile.
20 Cionnas tugadar na hárdshagairt,
agus ar núachdaráinne é chum breithe
bháis do bhreith air, agus do chrocha-
dar é.
21 Achd do bhí ar súilne gur bheision
an té dfúaisgéoladh Israel: agus leith
amuich dhíobh so uile, a sé a níu an
treas lá ó rinneadh na neithesi.
22 Agus mar an gcéadna mná áirighe
dhinn féin, tháinic go moch chum a
túama, do chuireadar úathbhás oruinn,

23 Agus mar nach bhfúaradar a chorp-
ſan, tangadar, ag rádh go bhfacadar
ſiad fós taidhbhſi aingeal a deir go bhfuil
ſé na bheathaigh.
24 Agus do chúadar dream áirighe
dhá raibh maille rinne, chum an túama,
agus fúaradar mar a dubhradar na mná,
achd ní fhacadar eiſion.
25 Agus a dubhairt ſeiſion riu: O a
dhaoine amadánach agus mallchroidh-
theach chum creidmhe dá gach éinni
dár labhradar na fáighe:
26 A né nar bhéigin do Chrioſd na
neitheſi dfulàng, agus dul a ſdeach ann
a ghlóir féin!
27 Agus ar dtionnſgnadh ó Mháoiſi, &
ó na fáighibh uile, do eidirmhínigh ſé
dhóibh ann ſna huile ſgrioptúraibh, na
neithe bhí dhá thaobh féin.
28 Agus do dhruideadar ris an mbaile
ann a rabhadar ag dul, agus do léig-
ſeiſion air go rachadh ſé ní is faide.
29 Achd do choimhéignigheadarſan é,
ag rádh; Fan aguinne, óir atá ſé na
thráth nóna, agus is deireadh láoi atá
ann. Agus do chúaidh ſé a ſdeach dfui-
reach aca.
30 Agus tárla an tan do ſhuidh ſé chum
bidh na bhfochair, ar mbreith ar a nárán
go rug ſé buidheachas, agus ar na bhri-
ſeadh, tug ſé dhóibhſion é.
31 Agus do hoſgladh a ſúileſion, agus
daithnidheadar eiſion, agus do tógbhadh
as a namharc é.
32 Agus a dubhradarſan eatarra féin:
A né nach rabhadar ar gcroidhthe ar
laſadh ionnuinn, an feadh do bhí ſé ag
labhairt rinn ar a tſlighe, agus an tan do
oſguil ſé dhúinn na ſgrioptúiridh?
33 Agus ar néirghe dhóibh ar a núair-
ſin féin, dfilleadar go Hiaruſalém, agus
fúaradar an téinſhear deug cruinn a
bhfochair a chéile, agus an dream do
bhí maille ríu:
34 Ag rádh; Deirigh an Tighearna
go fírinneach, agus thaisbéanadh do Shío-
món é.
35 Agus dinniſiodarſan na neithe do
[éirigheadh] ar a tſlighe, agus mar do
aithnidheadar e a mbriſeadh a naráin.
36 Agus agá labhairt ſo dhóibhſion,
do ſheas Ioſa féin ann a lár, & a du-
bhairt ſé ríu; Siocháin maille ribh.
37 Achd ar mbeith dhóibhſin ar crith
agus lán deagla, do ſháoileadar gur
ſpiorad do chunncadar.
38 Agus a dubhairt ſeiſion ríu; Créd
fá bhfuiltí ar bhar mbúaidhreadh, agus
créd fá a néirghid ſmúaintighe ann bhar
gcroidhthibh?
39 Féuchaidh mó lámha agus mó
choſa: óir is miſi féin atá ann: gla-
caidh, agus féuchaidh mé: óir ní bhfuil
féoil na cnámha ag ſpioruid, mar do
chithí agamſa.
40 Agus an tan a dubhairt ſé na nei-
theſi, do thaisbéin ſé dhóibh a lámha
agus a choſa.
41 Achd ar mbeith míchreidmheach
dhóibhſion fós tré ghráirdeachas, & ag
déanamh iongantais, a dubhairt ſeiſion
ríu; An bhfuil bíadh ar bith agaibh
ann ſo?
42 Agus tugadarſan dó cuid díaſg
ròſduighe, agus cuid do chír mheala.
43 Agus ar na nglacadh dhóſan, dúaidh
ſé na bhfiadhnuiſiſion [iad.]
44 Agus a dubhairt ſé ríu; Ag ſo na
briathra do labhair mé ribh, a núair
do bhí mé fós bhar bhfochair: gur ab
éigin na huile neithe atá ſgríobhtha a
reachd Mháoiſi, agus ann ſna Salmuibh
am thimcheallſa, do choimhlíonadh.
45 Ann ſin doſguil ſé a ttuigſe, ionnus
go dtuighdís na ſgrioptúir,
46 Agus a dubhairt ſé ríu, Gur mar
ſo do bhí ſé ſgríobhtha, agus gur mar
ſo dob éigin do Chríoſd fulang agus
éiſéirghe o mharbhuibh an treas lá:
47 Agus aithrighe agus maitheamhnas
na bpeacadh do ſheanmóir na ainm do
na huile chinidheachuibh ag tionnſg-
nadh ó Iáruſalém.
48 Agus is ſibhſi fíadhnuiſeadha na
neitheannſa.
49 Agus Féuch, cuirfidh miſi gealla-
mhuin mathar féin chugaibh: achd
fanuidh a gcathair Iáruſalém no go gcuir-
thear cumhachda a núas umuibh.
50 Agus rug ſé amach go ſoithe Be-
tánia iad: agus ar dtógbháil a lámh,
do bheannuigh ſé iad.
51 Agus tárla ar mbeith dá mbean-
nughadh dhó, gur ſgaradh ríu é, agus
gur tógbhadh ſúas ar neamh é.
52 Agus ar na onórughadh dhóibh-
ſean dfilleadar go Hiaruſalém maille le
gáirdeachus mór.
53 Agus do bhídis do ghnáth ann ſa
teampoll, ag moladh agus ag beannu-
ghadh Dé. Amen.

AN SOISGEUL DO REIR EOIN.

CAIB. I.

Briathar Dé ar gabhall go bi na dhuine, 15 Teaſdas Eoin uime, 49 & Natanael, (an duine ſin gan mbealbhuil.)

ANn ſa toſach do bhí an Bhria-
thar, agus do bhí an Bhríathar
a bhfochair Dé, agus do bé Día an
Bhríathar,
2 Do bhí so ar tús a bhfochair Dé.
3 Leiſean a táid na huile neithe
déunta, agus gan é ní bhfuil éinni déun-
ta, da ndéarnadh.

4 Ann san do bhí beatha, agus dób í
an bheatha solus na ndáoine:
5 Agus soillsighidh an solus sin ann sa
dorchadas, agus níor ghabh an dorchadas
chuige é.
6 Do cuireadh duine ó Dhía dar
bhainm Eóin:
7 Tainic an té so mar fhíadhnuisi,
do chum go ndéanadh sé fiadhnuisi don
tsolus, ionnus go gcreidfidís cách uile
thríd.
8 Níor bhésean an solus, achd [do
cuireadh é] ionnus go ndéanadh sé fiadh-
nuisi don tsolus.
9 Do bé so an solus fírinneach
fhoillsigheas gach uile dhuine dá dtig
ar a tsáoghal.
10 Do bhí se air a tsáoghal, agus
trídsean do rinneadh an sáoghal, achd
níor aithin an sáoghal é.
11 Dionnsuighe a choda féin tháinic
sé, agus níor ghabhadar a dháoine féin
chuca é.
12 Achd an mhéid do ghabh chuca é,
tug sé cumhachda dhóibh bheith na
gcloinn ag Día, [eadhon] don droing
chreideas ann a ainmsean:
13 Nach bhfuil ar na ngeineamhain ó
fhuil, ná ó thoil na colla, ná ó thoil fir,
achd ó Dhía.
14 Agus do rinneadh féoil don
Bhréithir, & do chomhnuigh sé eadruinne
(agus do chunncamar a ghlóirsion, mar
ghlóir éingheine mic ón athair) lán do
ghrásuibh agus dfírinne.
15 Do rinne Eóin fiadhnuisi dhó, agus
do éigh sé, ag rádh; As é so an té air ar
labhuir mé, an té thig am dhíaigh, do bhí
sé romham: oír bá táosga é na misi:
16 Agus do ghabhamar uile chugainn
as a lán san, & grása ar son grás.
17 Oír do tugadh an reachd tré
Mháoisi: achd tháinic grása & fírinne
tré Jósa Críosd.
18 Ní fhacaidh neach ar bith Día a
riamh: an áoinghein mhic atá an uchd a
nathar, as é dfoillsigh [é dhúinne.]
19 Agus as í so fíadhnuisi Eóin, an
tan do chuireadar na Júdaighe ó Jeru-
salém Sagairt agus Lebhiti, do chum go
bhfiafróchaidís de, Cia thusa?
20 Agus dadaimh seision, agus
nior fhéun sé: dadaimh sé nar bhé féin
Críosd.
21 Agus dfíafruigheadar dhe, Créd
eile? an tú Elias? agus a dubhairt
seision, Ní mé. An fáidh thú? Agus do
fhreagair seision, Ní headh.
22 Ar a nadhbharsin a dubhradar ris,
Cia thú, ionnus go dtiobhramáois freagra
ar an muintir do chuir datha sinn?
créd a deir tú ad thimcheall féin?
23 A dubhairt seisean, Misi guth an
té éighmheas ar an bhfásach, Dírghidh
slighe an Tighearna, mar a dubhairt
Esaias an faidh.
24 Agus an dream do cuireadh leis
an dteachdaireachd, budh do na Phai
síneachuibh iád.
25 Agus dfiafruigheadar dhesean, &
dubhradar ris; Ar a nadhbharsin cr
fá ndéunann tú baisdeadh, muna
Críosd, nó Elías, nó fáidh?
26 Do fhreagair Eóin dóibh, ag rádh,
baisdimsi lé huisge: achd atá na sh
samh an bhur lársa an té nach aithe
dhíbh.
27 As é so an té thig am dhíaigh
do bhí romham: ag nach fhiú mé
lach a bhróg do sgáoileadh.
28 Do rinneadh na neithese a mBe
tábara ar a táobh thall do Jordán, an
an ar bhaisd Eóin.
29 An lá na dhíaigh sin do chunnairc
Eóin Iósa ag teachd chuige féin, agus a
dubhairt sé; Féuch úan Dé, thógbhas
peacadh an domhain.
30 Ag so an té air ar labhair mé, Ti
am dhíaighsi neach do bhí romham,
oir bá táosga é na misi.
31 Agus ní raibh aithne agumsa air:
achd ionnus go mbíadh sé follus Do Isra
as uime sin tháinic misi ag baisdeadh le
huisge.
32 Agus do rinne Eóin fiadhnuisi
ag radh; Do chunnairc mé spiorad ag
tuirling amhail cholam ó neamh, agus
do chomhnuidh sé airsion.
33 Agus níor aithin misi é, achd an t
do chuir mé do bhaisdeadh lé huisge,
as é a dubhairt rium; Gidh bé ar a
bhfaicfe tú an Spiorad ag tuirling agus
ag comhnuighe, sé sin an té bhaisdeas
leis an Spiórad náomh.
34 Agus do chunnairc misi, agus
do ním fiadhnuisi gur ab ê so mac
Dé.
35 An lá na dhíaigh sin a rís do
sheas Eóin, agus días dá dheisciobluibh:
36 Agus ar bhfaicsin Jósa ag siobhal, a
dubhairt sé; Féuch úan Dé.
37 Agus do chualadar an días deis-
ciobal é ag labhairt, agus do leanadar
Jósa.
38 Agus ar bhfilleadh Díosa, agus
ar ná bhfaicsinsean dhá léanmhuin
féin, a dubhairt sé riú: Créud atá
sibh iarraigh? agus a dubhradarsan
ris, Rabbi (sé sin ré rádh ar na eidir-
mhíniughadh, A mhaighisdir) gá a ccomh-
nuigheann tú?
39 A dubhairt sé riú; Tigidh agus
féuchaidh. Tangadar agus do chunnca-
dar an tionad a geomhnuigheadh seisean.
agus dfanadar aige an lá sin: do bhí
an úair sin, timcheall a deich.
40 Agus do bé Aindrias dearbhbhrá-
thair Shimóin Peadair fear don dís
do bhí ag éisdeachd ré Heóin, agus do
lean eisean:
41 A sé so céudduine fúair a dhear-
bhrathair féin Síomón, agus a du-
bhairt sé ris; Fúaramar an Messias
as sé sin ar na eidirmhíniughadh,
Críosd.
42 Agus

42 Agus rug ſé chum Jóſa é. Agus ar
... Dioſa air, a dubhairt ſé; As
... Siomón Jóna: goirfidhear Céphas
..., dár ab ciall Carraig.
43 Ar na mhárach bá mían lé Hio-
... dul don Ghalile: agus fuáir ſé
..., agus a dubhairt ſé ris; Lean
...
44 Agus do budh as Betſaída
..., cathair Aindrías agus Phea-
...
45 Fuáir Philib Natánael agus a
...airt ſé ris; An té air ar ſgríobh
... ann ſa reachd, agus na fáidhe,
...amar, Jóſa ó Náſaret, mac Jóſeph.
46 Agus a dubhairt Natánael ris; An
... ní maith air bith bheith ó Náſarét?
...dubhairt Philib ris, Tar agus féuch.
47 Do chunnairc Joſa Natánael ag
... chuige, agus do labhair ſé; Féuch
a Iſraelach fírinneach ann nach bhfuil
...bhuil.
48 A dubhairt Natánael ris; Cionnas
...gheas tú mé? do fheagair Iósa,
... a dubhairt ſé ris; Ni as táoſgá
... ghoir Philib thú, an tráth do bhi
... fáoi an gcrann fíge, do chunnairc
... thú.
49 Do fhreagair Natánael agus a
...airt ſé ris; Rabbi, as tuſa mac Dé,
a tú rí Iſraél.
50 Do fhreagair Iósa agus a dubhairt
... ris; Tré go ndubhairt mé riot, Do
...nairc mé thu fáoi an gcrann fíge, an
...deann tú? do chífi tú neithe as mó
... iád ſo.
51 Agus a dubhairt ſé ris; Go deimhin,
...mhin, a deirim ríbh, go bhfaicfidhe ó
...mach neamh oſgailte, agus aingil Dé
ag dul ſúas agus ag teachd a núas ar
mhac an duine.

CAIB. II.

An céud mhirbhuile ag banais Chana, 14 ... ...-ghlanadh an Teampuill, re Híoſa, 23 ... taobhadh e fein re daoinibh diombuan a gcreidimh.

AGus an treas lá do rinneadh póſadh
ag Cána na Galilé: agus do bhí
máthair Jóſa ann.
2 Agus do goireadh Jóſa fós agus a
dheiſciobail chum an phóſda.
3 Agus an tan do thréig fíon, a du-
bhairt máthair Jóſa ris; Ní bhfuil fíon
aca.
4 A dubhairt Jóſa ría, Créud é ſin
dhamhſa na dhuitſe, a bhean? ní tháini-
ic máairſe fós.
5 A dubhairt a mháthair ris an luchd
friothóilmhe; Gidh bé ní déara ſé ribh,
déanaigh é.
6 Agus do bhádar ſé ſoithighe cloiche ar
n-gcur ann ſin do réir ghnáthaighe
ghlanta na Niudaigheadh, dhá theircín nó
a trí do ghlacadh gach áon aca.
7 A dubhairt Jóſa riú, Líonaidh na
ſoithighe ſo duiſge. Agus do lío-
nadar iád go ſoithe a mbrúachaibh.
8 Agus a dubhairt ſé riú; Tairrngidh
a nois agus beiridh chum úachdaráin an
fhéuſda é; agus rugadar.
9 Agus mar do bhlais úachdarán an
fhéuſda an tuiſge do bhí déunta na fhíon,
(agus ní raibh a fhios aige créd as a
dtáinic ſé: achd do bhí a fhios ag an
luchd friothóilmhe do tharraing an
tuiſge:) do ghoir úachdarán an fhéuſda
an fear núa-phóſda chuige.
10 Agus a dubhairt ſé ris; Cuiridh
gach uile dhuine an fíon maith amach
ar tús, agus an tan ibhid dáoine a
ſáith, ann ſin an fíon as meaſa; achd
do choimhéud tuſa an fíon maith gus a
nois.
11 As é ſo toſach míorbhuile do
rinne Jóſa, a Gcána na Galilé; agus
dfoillſigh ſé a ghloir féin, agus do
chreideadar a dheiſciobail ann.
12 Na dhiaigh ſin dó chúaidh ſé ſíos
go Capernáum, é féin agus a mháthair,
agus a dhearbhráithreacha agus a dheiſ-
ciobail: achd níor fhanadar ann mórán
do laéthibh:
13 Oír do bhí Cáiſg na Niúdaigheadh
a bhfogus. Agus do chúaidh Iósa ſúas go
Hierusalém.
14 Agus fuáir ſé ann ſa teampall
luchd reactha damh, agus cáorach, agus
colum, agus luchd malarta an airgid na
ſuidhe.
15 Agus ar ndéunamh ſgíurſa dhó
do chórduighibh, do chuir ſé amach as a
teampoll iád uile, maille ré na gcáor-
chaibh, agus ré na ndamhuibh, agus do
dhóirt ſé amach ionnmhus luchd an air-
gid, agus do leag ſé a mbuird air lár.
16 Agus a dubhairt ſé ré luchd
reactha na gcolam; Tóguidh iád ſin as
ſo, ná déunuidh tigh mátharſa na thigh
ceannuigheachda.
17 Agus do chuimhnigheadar a dheiſ-
ciobailſean go raibh ſgríobhtha: Duáidh
éud do thigheſi mé.
18 Ar a nadhbharſin do fhreagradar
na Iúdaidhe, agus a dubhradar ris;
Créd é an comhartha thaisbéanas tú
dhúinn, fá ndéunann tú na neitheſi?
19 Do fhreagair Jóſa agus a du-
bhairt ſé riú, Leagaidh ſíos an team-
poll ſo, agus tóigéubhuidh miſi é a dtrí
láethibh.
20 Ar a nadhbharſin a dubhradar
na Juduidhe; Sé bliádhna agus dá fhi-
chead do bhí an teampall ſo dhá
dheunamh, agus an dtoigéubha tuſa a
dtrí láethibh é?
21 Achd is air theampoll a chuirp
féin do labhair ſeiſion.
22 Ar a nadhbharſin an tan do éi-
righ ſé ó mharbhaibh, do chuimhnighea-
dar a dheiſciobail go ndubhairt ſé ſo riú;
agus do chreideadar don ſgriobtuir, &
don bhréithir a dubhairt Jóſa.
23 Agus ar mbeith a Niéruſa-
lém dhó fá Chaiſg, lá an fhéuſda, do
chreideadar

chreideadar mórán na ainmsean, ag faicsin na gcomharthadh do rinne sé.

24 Achd ní tháobhadh Iósa é féin riú; tré gur aithin sé iád uile.

25 Agus tré nach rainig sé a leas neach ar bith do dhéunamh fiadhnuisi air dhuine: óir do bhí a fhios aige féin créd do bhí ann sa duine.

C A I B. III.

Feidhm na haith-ghineamhna, 14 & bhàis Chriosd, 16 le bríadh an Tsoisgeil gu haithchumair.

ACHd do bhí duine áirighe do na Phairisineachuibh, dar bhainm Nicodémus, dúachdaránuibh na Niúdaigheadh.

2 Táinig sé so chum Iósa ann sa noidhche, & a dubhairt sé ris; A mhaighisdir, atá a fhios aguinn gur ab ó Dhia thàinig tusa ad fhear teagaisg: oír ní heidir lé héinneach na comharthuidhe so do ní tusa do dhéunamh, muna mbeith Día maille rís.

3 Do fhreaguir Jósa agus a dubhairt sé ris; Go deimhin, deimhin, a deirim riot, muna gheintear duine a rís, nach éidir leis ríoghachd Dé dfaicsin.

4 A dubhairt Nicodémus ris; Cionnas as éidir lé duine atá arsaidh, a gheineamhuin? an éidir leis dul a sdeach a mbroinn a mhathar an dara huair, agus a aithbhreith?

5 Do fhreagair Jósa; Go deimhin, deimhin, a deirim riot, muna raibh neach ar na gheineamhuin ó uisge agus ón Spioruid, ní heidir leis dul a sdeach a ríoghachd Dé.

6 An ní atá ar na gheineamhuin ó an bhfeóil, as feóil é: agus an ní atá ar na gheineamhuin ón Spioraid, is spiorad é.

7 Ná bíódh iongnadh agad go ndubhairt misi riot, Gur ab éigean dáoibh bhur ngeineamhuin a rís.

8 Séidigh an ghíoth mar as áill lé, agus do chluin tú a torann, achd ní bhfuil a fhios agad créud as a dtig sí, nó caít a dtéid sí: is mar sin atá gach neach atá ar na gheineamhuin ón Spioruid.

9 Do fhreaguir Nicodémus, agus a dubhairt sé ris; Cionnas as eidir na neithese do bheith.

10 Do fhreagair Iósa agus a dubhairt sé ris; An bhfuil tusa ad mháighisdir a Nisraél, agus gan a bhfios so agad?

11 Go deimhin, deimhin, a deirim riot, go labhramáoid an ní as fios dúinn agus go mbeirmíd fíadhnuisi ar an ní do chunncamar: achd ní ghabhtháoisi ar bhfíadhnuisi.

12 Má a dubhairt mé neithe talmhuidhe ribh, agus nach ccreidthí: cionnas chreidfidhe dá nabra mê neithe neamhdha ribh?

13 Oír ní dheachuidh éainneach suás ar neamh, achd an té do thuirrling ó neamh, mac an duine atá ar neamh.

14 Agus mar do árduigh Máoisi nathair neimhe ar an bhfásach, as m[…] sin as éigean mac an duine dárdughadh[…]

15 Ionnus gidh bé chreidfeadh a[…] nach rachadh sé a mugha, achd [..] mbeith an bheatha shiórruidhe aige.

16 Oír is mar so do ghrádhuigh D[…] an domhan, go dtug sé a éinghein m[…] féin, ionnus gidh bé chreideas ann, n[…] rachadh sé a mugha, achd go mbeith a[…] bheatha shiorruidhe aige.

17 Oír níor chuir Día a mhac féin a[…] a tsáoghal, do chum go ndaimnéoch[…] sé an sáoghal, achd do chum go sl[…] chaidh an sáoghal thríd.

18 An té chreideas ann, ní dam[…] tar é: achd an té nach ccreideann, [..] sé ar na dhamnughadh cheana: tré [..] chréid sé a ainm áoingheine mhic Dé.

19 Agus as é so an damnughadh[…] do bhrígh go dtáinig an solus air [..] tsáoghal, agus gur mó ghrádhuigh[…] na dáoine an dorchadas ná an solus; ar son go bhfuilid a noibreacha [..] holc.

20 Oír gidh bé do ni olc, fúath[…] ghidh sé an solus, agus ní thig sé ch[…] an tsolais, deagla go ndiomolfuidh[…] oibreacha.

21 Achd gidh bé do ní an fhirin[…] thig sé chum an tsoluis: ionnus [..] mbeidís a oibreacha follus, tré g[…] ab a Ndia atáid siád ar na n[…] namh.

22 Táinig Jósa agus a dheisciobail [..] dhiaigh sin go tír Júdaighe: agus [..] chomhnuigh sé ann sin maille riú, ag[…] do bhaisd sé.

23 Agus fós do bhaisd Eóin, mar a[…] gcéadna ag Aénon láimh ré Sálim, [..] do bhí iomad uisge ann sin: agus ta[…] gadar agus do baisdeadh iád.

24 Oír níor teilgeadh Eóin a bpr[…] sún fós.

25 Uime sin do érigh ceisd eid[…] cuid do dheisciobluibh Eóin agus na J[…] daidhe a dtimcheall an ghlanta.

26 Agus tangadar chum Eóin, agus a dubhradar ris; A mhaighisdir, an té do bhí ad fhochair ar an dtáoibh th[…] do Jordán, dá ndearna tú fíadhnuis[…] féuch baisdigh sé, agus tigid na h[…] dháoine chuige.

27 Do fhreagair Eóin & a dubhairt s[…] Ní héidir lé duine éinní ghlacadh mun[…] raibh sé ar na thabhairt dó ó neamh.

28 A tatháoisi féin bhur bhfíadhnuisi agamsa go ndubhairt mé, Ní misi Críosd, achd gur cuireadh roimhe me.

29 An té agá bhfuil an bhean nú[…] phósda, as é an fear núaphósda é: achd cara an fhir núaphósda noch sheasas a[…] gus éisdeas ris, gabhuidh gairdeach[…] mór é tré ghuth an fhir núaphósda. Ar a nadhbharsin atá mó ghàirdeachusa ar na choimhliónadh.

30 As éigean dósan fás, & damhsa laghdughadh.

31 An té thig a nuás atá sé ós cionn
cháich uile: an té atá ón talamh, atá sé
talmhaidhe, agus labhraidh sé neithe
talmhuidhe: an té thig ó neamh, atá
ós cionn cháich uile.
32 Agus an ní do chunnairc agus do
chúalaidh sé do ní sé so dfiadhnuise:
achd ní ghlacan áonduine a fhíadhnuisi.
33 An té ghlacus a fhíadhnuisisean
do chombarthuigh sé go bhfuil Día fí-
rinneach.
34 Oír an té do chuir Día uádh, la-
bhraidh sé bríathra Dé: Oír ní do réir
tomhuis bheir Día an Spiorad [dó.]
35 Atá grádh ag an athair don
mhac, agus tug sé na huile neithe iona
láimh.
36 An té chreideas ann sa mhac, atá
an bheatha mharthanach aige: achd an
té bhíos easumhal don mhac, ní fhaicfe
sé an bheatha, achd comhnuighidh
fearg Dé air.

CAIB. IV.

Comhradh Chríosd ris an mnáoi ó Shamaria, 39 & a thoradh; 46 té leighis mbic an chúirteóir.

AR a nadhbharsin an tan do aithin an
Tighearna go gcúaladar na Phairi-
sínigh gur mó do dheisciobluibh do
rinnidh Jósa agus do bhaisdeadh sé ná
Eóin:
2 (Bíodh nach baisdeadh Jósa féin,
achd a dheisciobail.)
3 Do fhág sé tír Júdaighe, agus do
chúaidh sé a rís don Ghalilé.
4 Agus dob éigean dó dul thríd Sha-
mária.
5 Ar a nadhbharsin thainig sé go
cathair Shamária dá ngoirthear Sichar,
láimh ris an bhfearann tug Jácob dhá
mhac féin Jóseph.
6 Agus do bhí tobar Jácob ann sin:
Ar a nadhbharsin ar mbeith curtha Dío-
sa ó misdar, do shuidh sé mar sin ar a
tobar. Agus do bhí sé a dtimcheall
an tséiseadh húair.
7 Tainig bean ó Shamária thar-
ring uisge: a dubhairt Jósa ría, Tabhair
deoch dhamhsa.
8 Oír do chúadar a dheisciobailsion
don chathraigh do cheannach bígh.
9 Ar a nadhbhharsin a dubhairt an
bhean Shamaritánach sin ris; Cionnas ar
mbeith dhuitsi ad Júdaighe, iárrus tú
deoch oramsa atá am mhnáoi Shamaritá-
nuigh? oír ní ghnáthuighid na Iúdaighe
an Samaritánuigh.
10 Do fhreagair Iósa & a dubhairt
sé ría; Da mbeith fios tiodhluice Dé
agad, & cía hé an té a deir riot, Tabhair
dhamh deoch: do iárrfása air, agus do
bhéuradh se uisge béo dhuit.
11 A dubhairt an bhean ris, A Thi-
ghearna, ní bhfuil gléus tárronga agad,
agus atá an tobar domhain: ar a nadh-
bharsin gá háit as a bhfuil an tuisge béo
sin agad?
12 An mó thusa ná ar nathair Jácob,
tug dhúinne an tobarso, as ar ibh sé
féin, agus a chlann, agus a áirneis?
13 Do fhreagair Jósa & a dubhairt
ría; Gidh bé neach ibheas as an uisge sin,
biaidh tart air arís:
14 Achd gidh bé neach ibheas as an uisge
do bhéura misi dhó, ní bhía tart air go
bráth: achd an tuisge do bhéara me
dhó, biaidh sé na thobar uisge fhiuchaigh
ann chum na beatha marrthannuighe.
15 A dubhairt an bhean ris; A Thigh-
earna, tabhair dhamhsa an tuisge sin, do
chum nach bía tart oram, agus nach
dtiocfa mé ann so dá tharraing.
16 A dubhairt Jósa ría; Imthigh, goir
thfear féin, agus tarr ann so.
17 Do fhreagair an bhean & a dubh-
airt sí ris; Ní bhfuil fear agam. A
dubhairt Jósa ría, As maith a dubhairt
tú, Ní bhfuil fear agam.
18 Oír do bhádar cúigear fear agad:
agus an té atá agad a nois, ní hé
thfear féin é. A dubhairt tú so go fí-
rinneach.
19 A dubhairt an bhean ris; A Thigh-
earna, do chím gur fáidh thú.
20 Do rinneadar ar naithre adhra ar a
tsliábh so: agus a deirthisi gur ab a
Niárúsalém atá an tionad ann ar béigean
adhra do dhéunamh.
21 A dubhairt Iósa ría; A bhean,
creid misi, tig an uáir nach adharsuighe
an tathair ar a tsliabhso ná a Niárusalém.
22 Adhraigh sibhse an ní nach fios
díbh, adhramáoidne an ní as fios dúinn:
oír as ó na Júdaidhibh atá sláinte.
23 Achd tig an uáir, agus atá sí ann
a nois, an tan adharsuidh an luchd adhra
fírinneacha an tathair a spioraid agus a
bhfírinne: oír go deimhin iárruidh an
tathair a leitheid so dá adhradh féin.
24 Is spiorad Día: agus an dream
adhras é, as éigin dóibh a adhra a spio-
rúid agus a bhfírinne.
25 A dubhairt an bhean ris, Atá a
fhios agam go dtiocfa an Messias
(ré a nabarthar Críosd,) an tan
thiocfas sé, foillséochuidh sé na huile
neithe dhúinn.
26 A dubhairt Iósa ría; As misi é
labhrus riotsa.
27 Agus fa namsin thangadar a dheis-
ciobailsion, agus do biongnadh léo gur
labhair sé ris an mnáoi; achd cheana
ní dubhairt áoinneach, Créd iárrus tú? nó
créud labhrus tú ría?
28 Ar a nadhbharsin dfag an bhean a
soitheach uisge, agus do chúaidh sí don
chathraigh, agus a dubhairt sí ris na
dáoinibh,
29 Tigidh, féuchuidh an duine a dubh-
airt riumsa gach éin ní dá ndearna mé:
a né nach é so Críosd?
30 Ar a nadhbharsin do chuádar
amach as an gcathraigh, agus tangadar
chuigision.
31 Agus diárradar a dheisciobail air
fa a namsin, ag rádh; A mhaighisdir,
ith [bíadh.]

32 Agus a dubhairt seisean ríu; Atá
bíadh agamsa ré na ithe, nach bhfuil
a fhios aguibhsi.
33 Ar a nadhbharsin a dubhradar a
dheisciobail ré chéile, An dtug áoinneach
chuige Ní do iosadh sé?
34 A dubhairt Iósa ríu; As é mó
bhiadhsa toil an té do chuir uadh mé do
dhéunamh,& a obair do chríochnughadh.
35 An é nach abartháoisi, go bhfuilid
ceithre mhí fós, agus go dtiocfa an
fóghmhar ann sin! féuch, a deirim ribh,
tóguidh súas bhur súile, agus féuchuidh
na réghióin: óir atáid siad geal chea-
na chum a nfoghmhair.
36 Agus an té bheanas, glacaidh
sé túarasdal, agus cruinnighe sé toradh
chum na beatha marrthannuighe: ar
chor go mbia an té shíolchuireas & an
té bheanus, lúagháireach a néinnsheachd.
37 Oír as ann so atá an rádh úd
fírinneach, Go síolchuireann neach, agus
go mbeanann neach eile.
38 Do chuir misi sibhsi do bhúain
an neithe nar sháothrabhair: do sháoth-
raigheadar dáoine eile, agus do chúa-
bhairsi a steach ann a saothar.
39 Agus do chreideadar mórán do
Shamaritanachaibh na caithreacha sin
ann san ar son chomhráidh na mná,
noch do dhearbhuigh; Dubhairt sé
leam gach Ní dá ndearna mé.
40 Ar a nadhbharsin an tan tan-
gadar na Samaritánaigh chuige, díar-
radar air fuireach aca féin: agus do
chomhnuigh sé dhá lá ann sin.
41 Agus as ro mhó ná sin do chreid
ann, ar son a bhréithre féin.
42 Agus a dubhradar ris an mnáoi:
Ní ar son do chomhráidhse chreid-
midne feasda: óir do chúalamar féin
é, agus atá a fhios aguinn go fírinneach
gur ab é so Críosd, slánuightheóir an
domhain.
43 Agus tair éis dhá lá do chúaidh
é as sin, agus dimthigh sé don
Ghalilé.
44 Oír rug Iósa féin dfíadhnuisi,
Nach bhfuil cion ar fháidh ann a thír
féin.
45 Ar a nadhbharsin an tan tháinig
sé don Ghalilé, do ghabhadar luchd na
Galilé chuca é, íar bhfaicsin gach Ní dá
ndearna sé a Nierusalém lá an fhéus-
da: óir tangadarsan féin chum an fhéusda.
46 Ar a nadhbharsin táinig Iósa a
rís go Cána na Galilé mar a ndéar-
nuidh sé fíon don uisge. Agus do bhí
Tighearna áirighe a Gcapernáum agá
raibh a mhac tinn.
47 An tan do chúaluidh sé so go
dtáinig Iósa as tír Iúdaighe don Gha-
lilé, do chúaidh sé amach chuige, agus
díarr sé air dul síos & a mhac do shlá-
nughadh: óir do bhí sé ré huchd bháis.
48 Ar a nadhbharsin a dubhairt
Iósa ris; Muna bhfaicthi comharthuighe
agus míorbhuile, Ní chreidfidhe.
49 A dubhairt an tighearna ris; A
mhaighisdir, éirigh síos suil do gheabh[...]
mo mhac bás.
50 A dubhairt Iósa ris; Imthigh r[...]
mhad, mairidh do mhac. Agus d[...]
chreid an duine don fhocal a dubhairt
Iósa ris, agus do imthidh sé.
51 Agus ar ndul síos dó do [...]
thair, tárladar a shearbhfhoghantaidhe
air, agus dinnsigheadar [dhó] ag rádh;
Mairidh do mhac.
52 Ar a nadhbharsin dfiafruigh [...]
dhiobh an uáir fuáir sé fáoiseamh: &
a dubhradarsan ris, A né air a[...]
mhadh huáir dfág an fiabhrus é.
53 Ar a nadhbharsin do aithin a[...]
tathair gur bhé a nuáirsin féin ann a
ndubhairt Iósa ris, Mairidh do mhac:
& do chreid sé féin & a thigh uile.
54 Ag so an dara comhartha do
rinne Iósa a rís, an tan tháinig sé ó
thír Iúdaighe don Ghalilé.

CAIB. V.

Tainic cobhair an duine easlain fhóighid[...] fadbeire ó Chríosd; 17 dá ttug a Athair[...] 32 Eóin, 36 a oibreacha féin, 39 'ir [...] Scrioptur, fiaghnuise.

NA dhíaigh so do bhí lá féusda [...]
Níuduigheadh, agus do chúaidh
Iósa súas go Hiarusalém.
2 Agus atá a Níarusalém láimh ré
margadh na ccáorach, loch dá ngoir-
thear an Eabhrais, Betesda, agá bhfuil
cúig calaidh.
3 Do bhádar mórán do dháoinibh
éugcrúaidhe na luighe ionnta so, do
dhalluibh, do bhacachuibh, agus do luchd
seirglidhe do bhí ag fuireach re cor-
rughadh an uisge.
4 Oír do thuirlingheadh aingeal a
naimsir áirighe ar an loch,& do bhuaidh-
readh sé an tuisge: ar a nadhbhar-
sin gidh bé cédneach do théigheadh síos
ann, tar éis bhuáidheartha an uisge, do
nithi slán é ó gach tinneas dá mbíodh air.
5 Agus do bhí duine áirighe ann sin,
do bhí ochd mbliadhna déug air fhichid
a neasláinte.
6 An tan do chunnairc Iósa é so na
luighe, agus do aithin sé go raibh sé
tinn ré haimsir fháda, a dubhairt sé ris;
An mían leachd do dhéunamh slán?
7 Do fhreagair an teaslán é; A Thi-
ghearna, Ní bhfuil éinneach agam dom chur-
feadh ann sa loch mé an tan bhíos an tuis-
ge ar na bhuáidreadh: achd an gcéin bhíom-
si ag teachd, téid neach eile síos romham.
8 A dubhairt Iósa ris, Eirigh, tóg
do leabuidh agus siobhail.
9 Agus do rinneadh an duine sin
slán do lathair: agus do thóg sé a
leabuidh agus do shiobhail sé. Agus do
bhí an tsabbaid ann an lá sin.
10 Ar a nadhbharsin a dubhradar
na Iúduidhe ris an té do slánuighedh;
As é an tsabbaid é, Ní dlightheach duit
do leabuidh iomchar.
11 Do threagair seision dóibh; An [...]

rinne slán mé, as é a dubhairt rium,
... do leabaidh, agus siobhail.
12 Ar a nadhbharsin dfiafruigheadar
de; Cia hé an duine a dubhairt riot,
... do leabhaidh agus siobhail?
13 Achd ní raibh a fhios ag an té do
...ghadh cía hé: oír do chuáidh Iósa a
...tóibh, air mbeith do mhórán ann
...ionadsin.
14 Fuáir Iósa é na dhíaigh sin ann sa
teampoll, agus a dubhairt sé ris; Féuch,
...rinneadh slan thú: na peacuigh ní sa
mó, deagla go dteigéumhadh ní budh
...dhuit.
15 Do imthigh seisean, agus do fhoill-
...sé do na Iúdaidhibh gur bé Iósa an
té do rinne slán é.
16 Agus ar a shon so do ghérleana-
...na Iúdaidhe Iósa, agus do smúainea-
...a mharbhadh, tré go ndearna sé na
neithese sa tsabboíd.
17 Agus do fhreagair Iósa dhóibh,
Oibrighidh Mathairsi gus anois, agus oi-
...righimsi.
18 Ar a nadhbharso as móide do smuái-
...adar na Iúdaidhe eisean do mhar-
...dh, tré nach é amháin gur bhris sé an
...bóid, achd go ndubhairt sé fós, Gur bé
... a Athair féin, dá dhéanamh féin
...ionann ré Dia.
19 Ar a nadhbharsin do fhreagair Ió-
... agus a dubhairt sé riú, Go deimhin,
deimhin, a deirim ribh, Nach éidir leis
an mac éinní a dhéunamh uádh féin, achd
... ní chí sé ag a Nathair dá dhéunamh:
... gidh bé neithe do ní seision, do ní
... an mac iád mar an gcèadna.
20 Oir grádhuighidh an Tathair an Mac,
& foillsighidh sé na huile neithe do ní
sé féin dó: águs taisbeúnfuidh sé oibrea-
cha as mó ná iád so dhó, do chum go
...h iongantus oruibhsi.
21 Oir amhuil mar dhúisgeas & mar
bheódhaigheas an Tathair na mairbh, as
... an gcéudna bheódhaigheas an mac
... dream as áill leis.
22 Oír ní bheireann an Tathair breath
... dhuine ar bith, achd tug sé gach uile
bhreitheamhnus don Mhac:
23 Do chum go nonórsadh gach uile
... an Mac, mar onòraid siad an Ta-
thair: an té nach onóruigheann an Mac,
... onóruigheann sé an Tathair do chuir
uadh é.
24 Go deimhin, deimhin, a deirim ribh,
an té éisdeas rém bhréithirse, agus chrei-
deas don té do chuir uádh mé, atá an
beatha mharrthanach aige, & ní thioc-
... sé chum damnuighthe: achd da-
...ruigh sé ó bhás go beathaidh.
25 Go deimhin, deimhin, a deirim ribh,
...cfaidh a naimsir & atá sí a nois ann,
... trath chluinfid na mairbh guth mhic
... & an dream chluinfeas, mairfid
...
26 Oir mar atá beatha ag an Athair
... féin, is mar sin tug sé don Mhac fós
beatha do bheith aige ann féin.
27 Agus fós tug sé ughdarras dó
breitheamhnus do dhéunamh, an méid
gur ab é Mac an duine.
28 Ná biodh iongnadh aguibh ann so:
oír tiocfaidh an uáir an a gcluinfid an
mhéid atá ann sna túamuidhibh a ghuth-
san:
29 Agus rachaid amach an dream do
rinne deighniómhartha go heisèirghe
na beatha: agus an dream do rinne
drochghniomhartha go heiséirghe na
damanta.
30 Ni héidir leamsa ní ar bith do
dhéanamh uáim fein: do réir mar chluí-
nim, beirim breath: & atá mó bhreith-
eamhnus ceart: oír ní iárruim mo thoil
féin, achd toil a Nathar do chuir uádh mé.
31 Ma nímsi fiadhnuisi dhamh féin,
ni bhfuil mfiadhnuisi firinneach.
32 Atá neach eile do ní fiadhnuisi
dhamhsa, agus atá a fhios agam gur
firinneach an fhiadhnuisi do ní sé am
thimcheall.
33 Do chuireabhuirsi teachdaireadha
chum Eóin, & tug sé fiadhnuisi don fhi-
rinne.
34 Achd ní ó dhuine do gheibhimsi
fiadhnuisi: achd a deirim na neithe so
do chum go slaineochtháoi sibhsi.
35 Do bhí seisean na lóchrann lasrrgha
agus sholasda, agus do thograbhairsi,
ar feadh tamaill gáirdeachus do dhéu-
namh ann a sholus.
36 Achd atá fiadhnuisi agamsa as mó
ná Eóin: oír na hoibreacha thug an
Tathair dhamhsa ionnus go gcríochnó-
chuinn iád, na hoibhreacha sin do nímse,
beirid siád fiadhnuisi leam gur ab é an
Tathair do chuir uadh mé.
37 Agus an Tathair féin do chuir úadh
mé, rug sé fiadhnuisi leam. Agus ní
chúalabhairse a ghuth riamh, & ní fha-
cabhair a ghné.
38 Agus ní bhfuil a bhríatharsan na
chomhnuighe ionnuibh: oír ní chreidthi
don té do chuir seision úadh.
39 Cúartuighidh na sgriobtuiridhe, oír
do cithear dháoibh fein gur ab ionnta do
gheibhthí an bheatha mharrthanach: &
as iad sin bheireas fiadhnuisi leamsa:
40 Agus ni háill libh teachd chugam,
do chum go bfuigheadh sibh an bheatha.
41 Ní ghabhaimse glóir ó dháoinibh:
42 Achd atá éolus agam oruibhse, nach
bhfuil grádh Dé ionnuibh.
43 Tháinig misi a nainm Mathar, &
ní ghlacáoise mé: má thig neach eile
ann ainm féin, géubhtháoi chugaibh é.
44 Cionnas as eidir libhsi creideamh,
an tan ghabhtháoi glóir ó a chéile, &
nach iarrtháoi an glóir thig ó Dhia na
áonar?
45 Ná measaigh go ndéana misi ca-
saoid oruibh ag an Athair: atá neach
do ní casaoid oruibh, [eadhon] Máoisi
ann a gcurtháoisi bhur ndóchus.
46 Oir dá gcreideadh sibh do Mháoi-
si, do chreidfeadh sibh dhamhsa: óir
do sgriobh seision oramsa.

47 Achd muna ccreidtí dhá sgríbhean-
nuibh súd, cionnus chreidfidhe dom
bhriathruibhsi?

CAIB. VI.

Tar éis a mhírbhuileadh, thairgeadar Criosd a dhéanamh na Rí. 26 neach dar leanadar buidhean arson sáth bígh.

NA ndiáigh so do chuáidh Iósa tar
fairge na Galilé, [nó] Thibérias.
2 Agus do lean buidhean mhór é, tré
go bhfacadar a chomharthuidhe do rinne
sé ar na dáoinibh éugcrúaidhe.
3 Agus do chúaidh Jósa súas ar shliabh,
agus do shuidh sé ann sin maille ré na
dheisciobluibh.
4 Agus do bhí an Cháisg, féusda na
Niduaigheadh a bfogus.
5 Ar a nadhbharsin an tan do thóg
Jósa a shúile súas, agus do chunnairc sé
go dtáinic buidhean mhór chuige, a du-
bhairt sé ré Philib, Ga háit as a gcei-
nneochamáois arán do chum go niosai-
dís so [ní?]
6 (Achd a dubhairt sé so, da theasdu-
ghadhsan: oír do bhí a fhios aige féin
créd do dhéunadh sé.)
7 Do fhreagair Philib dhó, Ní lór dhóibh
luach dhá chéud pighinn daránuibh, do
chum go nglacfadh gach áon aca beagán.
8 A dubhairt áon dá dheisciobluibh,
Aindrias dearbhrathair Shímoin Peadair
ris:
9 Atá búachoill beag áirighe ann so
agá bhfuilid cúig aráin eórna agus dá
iásg bheaga: achd créud iád sin eidir
an uiread so?
10 Agus a dubhairt Jósa, Tábhruidh fá
deara do na dáoinibh suidhe síos. Agus
do bhí mórán féir ann sa náitsin. Ar a
nadhbharsin do shuidheadar na dáoine
síos, a nuimhir timcheall chúig míle.
11 Agus do ghlac Iósa na haráin, &
ar mbreith buidheachus, do roinn sé ar
na deisciobluibh, agus na deisciobail ar
na cuibhreannuibh iád: agus mar an
ccéudna fós do na hiásgaibh beaga an
mhéid dob áill léo.
12 Agus an tan do sásadh iád, a du-
bhairt sé ré na dheisciobluibh féin;
Cruinnighidh an sbruileach do bhí dío-
marcuigh, do chum nach rachadh éin
ní amugha.
13 Ar a nadhbharsin do chruinni-
gheadar, agus do líonadar dhá chliabh
dhéug do sbrúileach do na cúig hará-
nuibh éorna, do bhí dfuighleach ag an
muintir a dith.
14 Ar a nadhbharsin an tan do chunn-
cadar na dáoine sin an comhartha do
rinne Jósa, a dubhradar; As é so go
fírinneach an fáidh úd do bhí chum
teachda air a tsáoghal.
15 Ar a nadhbharsin a núair do
aithin Iósa go raibh siad air ti teachd
agus breith air chum ríogh do dhéunamh
dhe, dimthigh sé a rís ar a tsliabh na
áonar.
16 Agus an tan thainig an tráthnóna,
do chúadar a dheisciobail síos chum na
fairrge.
17 Agus ar ndul a luing dhóibh, do
chúadar tar fairge go Capernaúm. Agus
do bhí darchadus ann a nuáirsin, agus
ní tháinic Jósa chuca.
18 Agus deirigh an fhairrge ag sé-
deadh do gháoith mhóir.
19 Ar a nadhbharsin an tan do rim-
eadar iomramh timcheall a cúig no a
deich fichead do sdáidibh, do chunna-
dar Jósa ag siobhal ar an bhfairrge, é
ag drud ris an luing: agus do ghabh eg-
gla iad.
20 Achd a dubhairt seisean riú; Is
misi ata ann, ná bíodh eagla oruibh.
21 Ar a nadhbharsin do ghabhadar
chuca é go toileamhail don luing: agus
ráinig an lung do láthair don tír ann a
rabhadar ag dul.
22 An lá na dhiaigh sin do chunnairc
an slúagh do sheas ar an dtáobh thall
don fhairge, nach raibh long ar bith
eile ann sin, achd a náon long úd ann a
ndeachadar a dheisciobailsion, agus nach
deachaidh Jósa lé na dheisciobluidh don
luing, achd gur imthigheadar a dheiscio-
bail na náonar.
23 Agus tangadar longa beaga eile ó
Thibérias láimh ris an áit an ar itheadar
an tarán, tar éis an Tighearna bhreith
buidheachuis:
24 Ar a nadhbharsin an tan do chunn-
airc an slúagh nach raibh Jósa, ná a
dheisciobail ann sin, do chúadarsan léis
a luing, agus tangadar go Capernaúm,
ag iarruidh Jósa.
25 Agus ar na fhagháil dóibh ar an
dtáoibh thall don fhairge, a dubhra-
dar ris; A mhaighisdir, gá huair thá-
nig tú ann so?
26 Do fhreagair Jósa dhóibh, agus a
dubhairt sé; Go deimhin, deimhin a
deirim ribh, go niárrtháoi mé, ní tré
go bhfacabhair na comharthuidhe, achd
tré gur itheabhair na haráin agus gur
sásadh sibh.
27 Déunaidh sáothar, ní ar son an
bhídh théid amugha, achd ar son an
bhídh mhaireas chum na beatha sior-
uidhe bhéuras mac an duine dhíbh: oír
as é so an té do chomharthaigh Día an
Tathair.
28 Ar a nadhbharsin a dubhradar ris,
Créud do dhéunum ionnus go noibrio-
chamáois oibreacha Dé?
29 Do fhreagair Jósa agus a dubhairt
sé riú; Ag so obair Dé, sibhsi do chreí-
deamh ann sa té do chuir sé uadh.
30 Uime sin a dubhradarsan ris: Ar
a nadhbharsin, créud é an comhartha
do ní tusa, ionnus go bhfaicfiomáois &
go gcreidfiomáois duit? créud é an
obair do ní tú?
31 Ditheadar ar naithreneManna ar
an bhfásach: mar atá sgríobhtha; Tug
sé arán ó neamh dhóibh ré na ithe.

32 Ar

32 Ar a nadhbharſin a dubhairt Ió-
ſa riú ; Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, nach é Máoiſe thug an tarán ó
neamh dhíbhſe achd Mathairſi do bheir
dhíbh an tarán fírinneach ó neamh.
33 Oir as é arán Dé, an té do thuir-
ling ó neamh, agus do bheir beatha don
domhan.
34 Ar a nadhbharſin a dubhradar ris ;
A Thighearna, Tabhuir dhúinne an ta-
rán ſo go ſíorraidhe.
35 Agus a dubhairt Ióſa riú ; As miſi
arán na beatha : an té thig chugamſa,
ní bhía ocras go bráth air ; agus an
té chreideas ionnam, ní bhía tart go
bráth air.
36 Achd a dubhairt mé ribh, Do
connarcabhair mé fós, agus ní chreidtí.
37 Gach ní bheir an tathair dhamh,
tiocfaidh ſé chugam : agus an té thig
chugam ionnſaidh, ní theilgfe mé amach é.
38 Oir do thuirrling mé ó neamh, ní
do chum go ndéanainn mo thoil féin,
achd toil an té do chuir uádh mé.
39 Agus as í ſo toil a nathar do
chuir uádh mé, nach léigfinn éinní amu-
gha do nuile ní dá dtug ſé dhamh, achd
go ndúiſgfinn é ann ſa lá deigheanach.
40 Agus as as í ſo toil an té do
chuir miſi uádh, go bhfuighe gach áon
do chí an mac, agus chreideas ann, an
beatha mharrthanach ; agus dúiſeó-
chaidh miſi é an lá déigheanach.
41 Ar a nadhbharſin do rinneadar na
Iúdaidhe monbhar air, tré go ndubhairt
ſé, As miſi an tarán do thuirling ó
neamh.
42 Agus a dubhradar ; An né nach
é ſo Ióſa mac Ióſeph, agar ab aithnidh
dhúinne a athair agus a mháthair ? ar a
nadhbharſin cionnus a deir ſé, Do thuirr-
ling mé ó neamh ?
43 Ar a nadhbharſin do fhreagair
Ióſa agus a dubhairt ſé riú ; Ná déu-
naidh monbhar eadruibh féin.
44 Ní héidir lé neach ar bith teachd
chugamſa, muna dtairrnge an Tathair, do
chuir uádh mé, é ; agus dúiſéochuidh
miſi é ann ſa lá deigheanach.
45 [illegible] ſgrìobhtha ann ſna fáidhibh ;
[illegible] uile ar na dteagaſg ó Dhia.
[illegible] gidh bé neach chlui-
[illegible] ó nathair agus fhoghlumas, tig ſé
[illegible]
46 Ní hé go bhfacaidh éinneach an
Tathair, achd an té atá ó Dhia : ag ſo
[illegible] do chunnairc an Tathair.
47 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, An té chreideas ionnumſa, atá an
beatha mharrthanach aige.
48 As miſi arán na beatha.
49 Dítheadar bhur naithreachaſa Man-
na ar an bhfáſach, agus fúaradar
bás.
50 Ag ſo an tarán do thuirling ó
neamh, ionnus gidh bé itheas de, nach
bhfuigheadh ſé bás.
51 Is miſi an tarán béo do thuir-
ling ó neamh : gidh bé ioſas don arán
ſo, mairfidh ſé go bráth : agus an tarán
do bhéura miſi úaim, as é mféoil féin é,
do bhéura mé ar ſon bheatha an domháin.
52 Ar a nadhbharſin do bhí na Iú-
daidhe ag tagra ré chéile, ag rádh ;
Cionnas as éidir leis an bhfearſo a fhéoil
do thabhairt dúinn ré na ithe ?
53 Ar a nadhbharſin a dubhairt Ióſa
riú ; Go deimhin, deimhin, a deirim ribh ;
Muna nithí féoil mhic an duine, agus
muna nibhthí a fhuil, ní bhfuil beatha
aguibh ionnuibh féin.
54 An té itheas mféoilſi, agus ibheas
mfuil, atá an bheatha mharrthanach aige ;
agus dúiſeóchaidh miſi é ann ſa lá
déigheanach.
55 Oir as bladh go fírinneach mféoil-
ſi, & as deoch go fírinneach mfuil.
56 Gidh bé itheas mféoil, agus ibheas
mfuil, comhnuighidh ſé ionnamſa, agus
miſi ann ſan.
57 Mar do chuir an Táthair béo miſi
uádh, agus mhairimſi trés a Nathair : as
mar ſin fós gidh bé itheas miſi, mairfidh
ſé fós thríom.
58 Ag ſo an tarán do thuirrling ó
neamh : ní mar dítheadar bhur naithreſi
an Manna, agus fuáradar bás. An
té itheas an tarán ſo, mairfidh ſé go
bráth.
59 A dubhairt ſé na neitheſi ann ſa
tſionagóg, an tan do theagaiſg ſé a Gca-
pernáum.
60 Ar a nadhbharſin ar na gcloiſdin
ſo do mhórán dá dheiſciobluibhſion, a
dubhradar ; As crúaidh an combrádh ſo ;
cía lér ab éidir éiſdeachd ris ?
61 Agus ar na aithne Dióſa ann féin
go rabhadar a dheiſciobail ag mon-
bhar uime ſo, a dubhairt ſé riú ; An
ttugann ſo oilbhéim dhíbh ?
62 Créad cheana má chithí mac an
duine ag dul ſuás ann ſa náit a raibh
ſé ar tús ?
63 As é an ſpiorad bheódhaigheas, ní
bhfuil tarbha ar bith ſa bhféoil : na
briathra labhruimſi ribh, is ſpiorad &
as beatha iád.
64 Achd atáid dream dhíbhſi nach
ccreideann. Oir do aithin Ióſa ó thús
cía híád an dream nar chreid, agus cía
bhí chum a bhraithte.
65 Agus a dubhairt ſé ; Is ar a nadh-
bharſin a dubhairt mé ribh nach éidir lé
háoinneach teachd chugamſa, muna raibh
ſé ar ná thabhairt dó ó Mathair.
66 O ſin amach do chúadar mórán dá
dheiſciobluibh tar a nais, & níor ſhiobh-
ladar ní ſa mhó leis.
67 Ar a nadhbharſin a dubhairt Ióſa
ris an dá fhear dhéug ; A náill libhſi
leis imtheachd ?
68 Ann ſin do fhreagair Síomon Pea-
dar é ; A Thighearna, cía chuige a ra-
chamáois ? as agadſa atáid briathra na
beatha marrthanuighe.
69 Agus creidmidne, agus atá a fhios

aguinn gur tuſa Críoſd mac Dé bhí.
70 Do fhreagair Jóſa dhóibh; An é nar
thoghaſa ſibhſi, an dá fhear dhéug, agus
atá fear agaibh na dhíabhal?
71 Achd is ar Iúdas Iſcariót [mhac]
Simoin do labhair ſé: oír do bhí ſáoi ſo
éiſion do bhrath, ar mbeith na áon don
dá fhear dhéug dhó.

CAIB. VII.

Combairle bharr-ghlórach luchd cinidh Chríoſd. 14 Ar barambail an tſloigh um a theagaſc.

AGus tar a éiſi ſo do chomhnuigh
Ióſa ann ſa Ghalilé: oír níor bháil
leis comhnuighe a ttír Iúdaighe, tré gur
ſmúaineadar na Iúdaidhe a mharbhadh.
2 Agus dó bhí féuſda ná Niúdaidheadh
[eadhon] Scenopégia, a bhfogus.
3 Ar a nadhbharſin a dubhradar a
bhráithreachaſan ris; Fág ſo, agus im-
thigh go tír Iúdaighe, do chum go bhfáic-
ſidis do dheſciobail fós na hoibreacha
do ní thú.
4 Oír ní dhéunann neach ar bith éin
ní a bhfolach, agus iárrus é féin do bheith
oirdheirc: má ní tú iád ſo, foillſigh
thú féin don tſaoghal.
5 Oír níor chreideadar a bhráithrea-
cha féin fós ann.
6 Uime ſin a dubhairt Ioſa riú; Ní
thainig maimſirſe fós: achd atá bhur
naimſirſe do ghnáth ullamh.
7 Ní héidir leis a tſaoghal ſibhſi
dfúathughadh: achd atá fúath aige
dhamhſa, do bhrígh go ndéunaim fíadh-
nuiſi air, gur ab olc a oibreacha.
8 Imthighidhſi ſúas chum na ſollam-
naſo: ní racha miſi ſúas fós chum na
ſollamnaſo, oír níor coimhlíonadh maim-
ſir fós.
9 An tan a dubhairt ſé na neitheſo riú,
dfan ſé ann ſa Ghalilé.
10 Achd tar éis a bhráithreach im-
theachd ſúas, do chúaidh ſeiſean mar an
gcédna ſúas chum na ſollamna, ní ós áird,
achd mar dhe ós íſeal.
11 Ar a nadhbharſin diârradar na Iú-
daidhe é ſa tſollamain, agus a dubhra-
dar; Gá hait a bhfuil an fear úd!
12 Agus do bhí monabhar mór a
meaſg an phobuil na thimcheallſan; oír
a dubhairt cuid díobh, As duine maith é:
achd a dubhairt cuid eile, Ni headh:
ach meallaidh ſé an pobal.
13 Gidheadh ní tháinig áonduine thairis
ós áird, ar eagla na Niúdaidheadh.
14 Achd tar éis leatha na ſollamna do
chríochnughadh, do chuaidh Ióſa ſúas
don teampoll, agus do theaguiſg ſé.
15 Agus do bhí iongnadh air na Iú-
daidhibh, ag rádh, Cionnas as aithnidh
don fhearſa léighionn, agus nar fhogh-
laim ſé?
16 Do fhreagair Ióſa iád, agus a
dubhairt ſé; Ní leam féin mó theagaſg,
achd leis an té do chuir úadh mé.
17 Gidh bé neach lé nab áill a thoilſean
do dhéanamh, aithéonaidh ſé a dtim-
cheall an teaguiſg más ó Dhia atá ſé, nó
an uáim féin labhruimſi.
18 Gidh bé labhrus uádh féin, a ſi a
ghlóir féin iárrus ſé: achd gidh bé iárras
glóir an té chuireas uádh é, atá ſé fírin-
neach agus ní bhfuil éagcóir ann.
19 An ne nách dtug Máoiſi dli-
gheadh dhíbhſi, agus ní choimhlíonann
áoinneach aguibh an dligheadh! créd fá
a bhfuil ſibh dom mharbhadh?
20 Do fhreagair an pobal, agus a
dubhradar, Atá an díabhal ionnad: cía
atá ag íárruidh do mharbhtha?
21 Do fhreagair Jóſa, agus a dubhairt
ſé riú; Do rinne mé éun obair a mháin,
agus atá iongnadh oruibhſi uile.
22 Ar a nadhbharſo tug Máoiſi an
timcheallghearradh dhíbhſi (ní ar ſon
gur ab ó Mhóoiſi atá ſé, achd ó na hai-
thribh) & do níthí duine do thimcheall-
ghearradh ann ſa tſábbaid.
23 Má ghlacann duine timcheall-
ghearradh annſa tſábbaid, do chum nach
briſſidhe dligheadh Mháoiſi, an bhfuil
fearg oruibh riumſa, ar ſon duine uile
do ſhlánughadh ann ſa tſabbaid?
24 Ní beiridh breath do réir na faic-
ſiona, achd beiridh an bhreath cheart.
25 Uime ſin a dubhradar dream ai-
righe ó Iáruſalém, A né nach é ſo an té
iárruid ſíad chum a mharbhtha?
26 Agus féuch, labhruidh ſé ós aird,
& ní abruid éin ní ris: an bhfuil a
dheirbhfios ag na huáchdaránaibh, gur
ab é ſo Críoſd?
27 Achd atá a ſhios aguinne gá has
dó ſo, gidheadh an tan thiocfas Críoſd,
ní bhía a fhios ag áonduine gá has
dó.
28 Uime ſin do éigh Ióſa ann ſa team-
poll, ag teagaſg agus ag rádh; Atá a
fhios aguibh cía miſi, agus atá a
fhios aguibh gá has damh: agus ní
uaim féin táinig mé, achd as fírinneach
an té do chuir uádh mé, ar nach bhfuil
éolus aguibhſi.
29 Achd atá éolus agamſa air, oír is
uádh atáim, agus as é do chuir uádh
mé.
30 Ar a nadhbharſin do ſhanntuighe-
dar breith air: gidheadh níor chuir
éunduine lámh ann, do bhrígh nach dtái-
nig a uáir fós.
31 Agus do chreideadar mórán don
phobal ann, agus a dubhradar; An
tan thiocfas Críoſd, an ndéana ſé ni
ſa mhó do mhiorbhuilibh, ná do rinne
an fear ſo!
32 Do chúaladar na Phairiſinigh an
pobal ag monbhar na neitheadhſo na
thimcheallſan, agus do chuireadar na
Phairiſinigh, agus uáchdarain na ſagart
máoir dhá ghlacadh.
33 Uime ſin a dubhairt Ióſa riú;
Bíaidh mé fós ſealad beag bhur bhfochair,
agus na dhiaigh ſin imthéocha mé chum
an té do chuir uádh mé.
34 Iárrfaidhe

34 Iárrſuidhe mé, agus ní bhfuighthí:
agus a náit a mbía mé, ní fhéadſuidheſi
teachd ann.
35 Ar a nadhbharſin a dubhradar na
Iúdaidhe eatarra féin; Gá háit a racha
an fear ſo, nach bhfuigheamne é? an
racha ſé chum na muintire atá ſgartha
a meaſg na Ngréugach, agus an dteagaſg-
faidh ſé na Gréuguidh?
36 Créud as cíall don chomhrádhſo a
dubhairt ſé; Iárrſuidhe mé, agus ní
bhfuighthí: agus, an áit a mbía mé, ní
fhéadſuidheſi teachd ann?
37 Agus ann ſa lá mhór dheigheanach
don tſollamuin, do ſheas Ióſa agus do
éigh ſé ag rádh, Má tá tart ar áonduine,
tigeadh ſé chugamſa, agus ibheadh ſé.
38 Gidh bé chreideas ionnamſa, mar
a dubhairt an ſgrioptùir, lingfid ſrotha
uiſge bhéo as a bhroinn.
39 [Do labhair ſé ſo a dtimcheall na
Spioraide, do ghlacſaidis na dáoine do
chreidfeadh ann ſan: oír ní raibh an Spio-
rad náomh [ar na thabhairt] fós, ar ſon
nach raibh Ióſa fós ar na ghlórughadh.
40 Uime ſin an tan do chúaladar mó-
rán don phobal an comhrádhſo, a dubh-
radar; Go fírinneach as é ſo an fáidh.
41 A dubhradar cuid eile; As é ſo
Críoſd. Achd a dubhairt dream eile;
An ón Ghalilé thiocfas Críoſd?
42 An né nach dubhairt an ſgriobtúir,
Go dtiocfadh Críosd do ſhíol Dáibhi, &
a Betelém an baile an a raibh Dáibhi?
43 Ar a nadhbharſin déirigh conn-
ſpóid a meaſg an phobail ar a ſhonſan.
44 Agus do bhreathnuigheadar cuid
díobh a ghlacadh, achd níor chuir éun-
duine lámha ann.
45 Uime ſin tangadar na máoir chum
na nárdſhagart agus na Bhphairiſineach:
& dhafraigheadarſan díobh, Créud fá
nach tugabhair libh é?
46 Do fhreagradar na hoifigidh, Níor
labhair duine ríamh mar an duineſi.
47 Ar a nadhbharſin do fhreagradar
na Phairiſinigh iádſan; An bhfuiltíſi
mar an gcéudná ar bhur mealladh!
48 Nar chreid áoinneach do na húachd-
arnaibh ann, nó do na Phairiſineachaibh.
49 Achd atá an pubalſo ag nach bhfuil
eolus an dlighidh, mallaighe.
50 A dubhairt Nicodémus riù, (an té
tháinig chuige ann ſa noidhche, agus do
bhí na áon díobhſan,)
51 An ndáorann ar ndligheadhne duine
ar bith, ní as táoſga ná chluineas ſé úadh,
& aitheónaidh ſé cred do rinne ſé!
52 Do fhreagradar, & a dubhradar
ris; An ón Ghalilé thuſa leis? Iorgair,
agus féuch, oír níor éirigh fáidh ón
Ghalilé [ríamh.]
53 Agus do imthigh gach áon dá
thigh féin.

CAIB. VIII.

Trócaire Chrioſd don mhnáoi ghabhtha a Nadhaltrannus, 39 & a bhreath ar ſhiol Abraham, 44 & ſhiol an aithbhirſeóir.

AGus dimthigh Ióſa chum ſhléibhe na
noluidheadh.
2 Agus táinig ſé go moch a ris don
teampull, agus tangadar an pobal uile
chuige, agus ar ſuidhe dhó do theagaiſg
ſé íad.
3 Agus tugadar na ſgríobuidhe, agus
na Phairiſinigh bean ar a rugadh a
nadhaltrannus chuige: agus ar na cur
a lár,
4 A dubhradar ris; A mhaighiſdir,
rugadh ar an mnáoiſi ſa ngníomh féin,
ag déanamh adhaltrannais:
5 Agus do aithin Máoiſi dhínn ſa dli-
gheadh a leitheidſo do bháſughadh lé
clóchaibh: ar a nadhbharſin créd a
deir tuſa?
6 Agus as é adhbhar fá a ndubhradar
ſin dá theaſdughadhſan, ionnus go gcuir-
fidis cúis air. Achd ar gcromadh ſíos
Díoſa, do ſgríobh ſé lé na mhéur ar a
talamh.
7 Agus an tan do leanadar ag
cur na ceaſda ſin air, déirigh ſé ſuas,
agus a dubhairt ſé riú; Gidh bé aguibhſi
atá gan Pheacadh, caitheadh ſé an chéad-
chloch ría.
8 Agus ar gcromadh ſíos dó a ris, do
ſgríobh ſé ar a talamh.
9 Achd mar do chúaladarſan na nei-
theſi, agus a gcogús dá nagra, do im-
thigheadar amach a ndiaigh a chéile, ag
toſughadh ó na ſinnſioraibh gus na dáoi-
nibh déigheanacha: agus do fágadh Ióſa
na áonar, agus an bhean na ſeaſamh a lár.
10 Agus ar néirghe ſuis Díoſa, an tan
nach bhfacuidh ſé áonduine achd an
bhean, a dubhairt ſé ría; A bhean, cait
a bhfuilid an mhuintir úd do chuir cúis
ort? nar dhamnuighe éanduine thú?
11 A dubhairt ſiſi; A Thighearna, níor
dhamnuighe áonduine. Agus a dubhairt
Ióſa riá, Ní mó dhamnuighimſi thú: im-
thidh romhad, agus na peacuidh feaſda.
12 Ar nadhbharſin do labhair Ióſa
riú a ris, ag rádh; Is miſi ſolus an do-
mhain: gidh bé leanus miſi, ní ſhiobhal-
fa ſé a ndorchadas, achd do ghéubha
ſé ſolus na beatha.
13 Uime ſin a dubhradar na Phai-
riſinigh ris; Atá tú ag deunamh fiadh-
nuiſi dhuit fein, ní bhfuil thfiadnuiſi fí-
rinneach.
14 Do fhreagair Ióſa agus a dubhairt
ſé riú; Gé nímſi ſionné dhamh féin, atá
mſinné fírinneach: do bhrígh go bhfuil
a fhios agam gá háit as a dtáinig mé, &
gá háit a dteighim: achd ní bhfuil a
fhios aguibhſi gá háit as a dtáinig mé
no gá háit a dteighim.
15 Do réir na feóla bheirtíſi breath,
ní bheirimſi breath ar áonduine.
16 Agus fós dá mbéarainn breath, as
fírinneach mo bhreitheamhnus: oír ní
bhfuilim am áonar, achd miſi agus an
Tathair do chuir úadh mé.
17 Agus atá ſgríobhtha an bhur
ndligh-

ndligheadhsa, gur fíor sinné deisi.
18 Atáimse ag déanamh sinné dom
thaobh féin, agus an Tathair do chuir
úadh mé do ní sé fiadhnuisi leam.
19 Uime sin a dubhradarsan ris: Gá
háit a bhfuil Hathair? do fhreagair Iósa
iad; Ní haithne dháoibhse ceachdar
aguinn, misi ná Mathair: dá mbeith
éolus aguibh oramsa, do bheith éolus a-
guibh ar Mathuir mar an gcéadna.
20 Do labhair Iósa ná briathrasa a
náit choimhéada an chiste, ag teagasg
ann sa teampall: agus níor chuir áon-
duine lámh ann: óir ní tháinig a uáir
fós.
21 Na dhiáigh sin do labhuir Iósa
ríu a rís; Atáimsi ag imtheachd agus
íarrfuidhesi mé, agus do gheubhthaói
bás an bhur bpeacadh: mar a dtéighim-
si ní héidir libhsi teachd.
22 Uime sin a dubhradar na Iùdai-
ghe; An muirbhfe sé é féin, fá a nabair
sé: Mar a dtéighimsi ní héidir libhsi
teachd.
23 Agus a dubhairt sé ríu: Is a nsíos
dáoibhsi, agus as a nsúas damhsa: don
tsáoghalsa sibhsi, ní don tsáoghalsa misi.
24 Ar a nadhbharsin a dubhairt mé
ribh, Go bhfuigheadh sibh bás an bhur
bpeacaidhibh; óir muna ccreidtí gur
misi atá ann, do gheabhthaói bás an
bhur bpeacaidhibh.
25 Uime sin a dubhradar ris; Cía
thú féin? agus a dubhairt Iósa ríu; An
ní a deirim ribh ó thús.
26 Atá mórán agam ré labhairt &
ré bhreathnughadh bhur dtimcheallsa:
achd as fírinneach an té do chuir úadh
mé: agus labhruim ris a tsáoghal na
neithe do chúaluidh mé úadhsan.
27 [Achd] níor thuigeadar gur a
dtimcheall a Nathar do labhuir sé ríu.
28 Ar a nadhbharsin a dubhairt Iosa
ríu; An tan thóigeubhthaói súas mac an
duine, ann sin aithéontáoi gur misi atá
ann, agus nach dèunuim éinni uáim féin,
achd gur mar do theaguisg an Tathair
mé, labhruim na neithesi.
29 Agus atá an té do chuir úadh mé
am fhochuir. Níor fhág an Tathair am
áonar mé, do bhrígh go ndéunuim do
ghnáth na neithe as mían leision.
30 Ar labhairt na neitheadhso dhó,
do chréideadar mórán ann.
31 Ar a nadhbharsin a dubhairt Iósa
ris na Iùdaidhibh do chreid dhó; Má
chomhnuighthisi am bhréithirsi, go fírin-
neach beithí bhar ndeiscioblaibh agam.
32 Agus áithéontáoi a nfírinne, agus
saorfaidh a nfírinne sibh.
33 Do fhreagradarsan é; Síol Abra-
ham sinne, agus ní dhearnamar leir-
bhís déunduine riamh: cionnas a deir
tusa, Beithí saor?
34 Do fhreaguir Iósa íad: Go deimhin,
deimhin a deirim ribh, Gidh bé do ní
peacadh as seirbhíseach don pheacadh é.
35 Achd ní chomhnuigheann an seir-
bhíseach, sa tigh go siorruidhe: fanuidh
an mac go siorruidhe.
36 Ar a nadhbharsin má shaorann an
mac sibhsi, beithí saor dhá ríribh.
37 Atá a fhios agam gur do shíol A-
braham sibh, gidheadh íarrtháoi mé
mharbhadh: óir ní fhaghann mo
bhríathar ionad ionnuibh.
38 Labhruimsi an ní do chunnairc mé
ag Mathair, agus do nithisi an ní do
chunncabhair ag bhur nathair féin.
39 Do fhreagradarsan, & a dubhra-
dar ris: As é Abraham ar nathuirne. A
dubhairt Iósa ríu, Dá madh clann Da-
braham sibh, do dhéunadh sibh oibrea-
cha Abraham.
40 Achd íarrtháoi a nois misi mhar-
bhadh, noch do innis dáoibh a nfírinne,
do chúaluidh me ó Dhía: ní dhearna
Abraham so.
41 Do nithisi oibreacha bhur nathar
féin. Uime sin a dubhradarsan ris: Ní
a nadhaltrannus rugadh sinn: atá áon
athair aguinn, Día.
42 Ar a nadhbharsin a dubhairt Iósa
ríu: Dá madh é Día bhur nathairsi, gan
chunntabhairt do ghráidhéochadh sibh
misi: óir is ó Dhía do ghluáis mé, agus
tháinig mé: agus ní uáim féin tháinig
mé, achd eisean do chuir úadh mé.
43 Créd fá nach dtuigtí mo chomh-
rádhsa? Ar son nach bhféudtaoi mo
bhríathar déisdeachd.
44 As é an díabhal as athair dháoibh,
& as íad míana bhur nathar as toil libhsi
dhéunamh. Do bhí seision na fhear dún-
mharbhtha ó thús, & níor chomhnuidh
sé sa bhfírinne: óir ní bhfuil fírinne
ann: a nuair do ní sé brég, úadh féin
labhrus sé, óir as bréaguire é, agus as
sé as athair don bhréig.
45 Achd do bhrígh go labhruimsi an
fhírinne, ní chreidtí mé.
46 Cía dhibhsi chuireas peacadh am
leith? má a deirim a nfírinne, Créd
fá nach creidtí dhamh?
47 Gidh bé atá ó Dhía, éisdidh sé
briathra Dé: is uime nach éisdtisi, ar
son nach ó Dhía sibh.
48 Uime sin do fhreagradar na Iùdai-
dhe, agus a dubhradar ris; An né nach
maith a deirmid gur Samaritánach thú,
agus go bhfuil deamhan ionnad?
49 Do fhreaguir Iósa: Ní bhfuil deamhan
ionnamsa: achd do bheirim onóir dom
athair, & do bheirthisi easonóir dhamhsa.
50 Agus ní í mó ghlóir féin iarruimsi,
atá neach íarrus agus bheireas breath.
51 Go deimhin, deimhin, a deirim ribh,
Gidh bé choimhéudfas mo bhríatharsa,
ní fhaicfi sé bás go siorruidhe.
52 Ar a nadhbharsin a dubhradar na
Iúduidhe ris; Aithnimid a nois go bhfuil
an díabhal ionnad. Fúair Abraham agus
na faidhe bás: agus a deir tusa, Gidh bé
choimhéudfas mo bhríatharsa, ní bhlais-
fe sé bás go siorruidhe.
53 An mó thusa ná ar nathair Abra-
ham, noch fuáir bás? agus fuaradar

.. faidhe bás: Créd an neach do ní ... dhíot féin ?

54 Do fhreagair Jósa; Má bheirimse ... dhamh féin, ní bhfuil tádhbhachd ... mo ghlóir: as é mathair do bheir ... dhamh, noch a deirthísi gur ab é bhur Ndía féin é.

55 Agus ní bhfuil aithne aguibhsi ... : gidheadh is aithne dhamhsa é: & ... a deirim nach aithne dhamh é, ...idh mê cosmhuil ribhsi, bréagach; gidheadh as aithne dhamh é, agus coimhéaduim a bhríathar.

56 Do bhí gáirdeachus mór ar bhur nathairse Abraham, fám lása dfaicsin: agus do chunnairc sé é, agus do bhí lùathghair air.

57 Uime sin a dubhradar na Iúduidhe ris; Ní bhfuil deich mblíadhna ... dá fhichead dáois agad fós, & ... bhfacuidh tú Abraham?

58 A dubhairt Jósa ríu; Go deimhin, deimhin, a deirim ribh, go bhfuilimsi ann suil do bhí Abraham.

59 Uime sin do thógbhadar clocha, do chum go gcaithfidis ris íad: achd do fholuigh Jósa é féin, agus do chuáidh sé amach as an teampall, ag dul tré na ...; agus do chuáidh sé thárrsa mar sin.

CAIB. IX.

An duine dall, do leighiseadh, 34 *Ar na theilgeadh leis na Pharisineachaibh,* 35 *do ghabh Criosd chuige é.*

AGus ag gabháil thairis do chunnairc Jósa duine do bhí dall ó rugadh é.

2 Agus dfíafruigheadar a dheisciobuil de, ag rádh; A mhaighisdir, cía pheacuidh, an fearso féin, nó a athair agus a mhathair, fá rugadh dall é?

3 Do fhreaguir Jósa: Níor pheacuidh sé so, ná a athair & a mhathair; achd do chum go bhfoillséochtháoi oibreacha Dé ann.

4 Is éigean damhsa oibreacha an té ó dtáinig mé do dhéunamh, an feadh as lá é; atá a noidhche ag teachd, ann nach bhféadann áonduine obuir a dhéunamh.

5 An feadh atáim ar an saoghal, as mé solus an tsáoghail.

6 An tan a dubhairt sé so, do chuir sé seile air an dtalamh, agus do rinne sé láib don tseile, agus do chumail sé an láib do shúilibh an doill:

7 Agus a dubhairt sé ris; Imthigh, ionnail a loch Shiloam, noch mhínighthear, Ar na chur. Uime sin do imthigh sé, agus do ionnail sé, & táinig a rís agus a radharc aige.

8 Ar a nadhbharsin a dubhradar na comharsain, agus na dáoine do chunnairc dall é roimhe sin; An né nach é so an té do bhí na shuidhe ag íarruidh na deirce?

9 A dubhradar cuid dhíobh, as é so é; agus cuid eile, gur cosmhuil ris é. A dubhairt sé Féin, As misi Féin é.

10 Uime sin a dubhradar ris; Créd é an modh air ar hosgladh do shúile?

11 Do fhreaguir seision, agus a dubhairt sé; An té dár ainm Iósa do rinne sé láib, agus do chumail sé dom shúilibh í, agus a dubhairt rium, Imthigh go loch Shilóam, agus ionnail; agus dimthigh misi, agus dionnuil mé, agus fúarus mo radharc.

12 A dubhradarsan ris ann sin; Gá háit a bhfuil sé? a dubhairt seision, Ní bhfuil a fhios agam.

13 Rugadar léo chum na Bhpairisíneach, an té so do bhí dall roimhe sin.

14 Agus do bhí an tsáboid ann an tan do rinne Iósa an láib, agus dosguil sé a shúile.

15 Ar a nadhbharsin dfíafruigheadar na Phairisínigh a rís de, Cionnus fuáir sé a radharc? Agus a dubhairt seisean ríu; Do chuir sé láib ar mo shúilibh, agus dionnuil mé, agus do chím.

16 Uime sin a dubhradar cuid do na Phairisíneachuibh; Ní ó Dhía an duinesi; óir ní chongbhann sé an tsábbaid: a dubhradar cuid eile, Cionnus as éidir lé duine peacthach, a léithéid so do chomharthadhuibh a dhéunamh? Agus do bhí siosma eatorra.

17 A deirid síadsan a rís ris a dall; Créud í do bharamhuil don té úd, ar son gur osguil sé do shúile? agus a dubhairt seisean, Is faidh é.

18 Uime sin níor chreideadar na Iúdaidhe úadh go raibh sé dall, agus go bhfuáir sé a radharc, nó gur ghoireadar athair agus mathair an té fuáir a radharc.

19 Agus dfíafruigheadar dhíobh, ag rádh: An né so bhur macsa, noch a deirthí rugadh dall? ar a nadhbharsin cionnas do chí sé a nóis?

20 Do fhreaguir a athair & a mhathair íad, & a dubhradar; Atá a dheimhin aguinn gur ab é so ar mac, agus go rugadh dall é:

21 Achd cionnus do chí sé a nois ní fios dúinn: nó cia dosguil a shúile, ní bhfuil a fhios aguinne: Atá áois aige, fíafruighidh dhe féin, freigeoruidh sé ar a shon féin.

22 A dubhairt a athair & a mhathair na bríathrasa, ar eagla na Niudaidheadh: óir do órduigheadar na Iúdaidhe roimhe sin, gidh bé daidmhéochadh gur bheisean Criosd, a chur as an tsinagoig.

23 Ar a nadhbharsin a dubhradar a athair agus a mhathair: atá aois aige, fiafruighidh dhe féin.

24 Ann sin do ghoireadarsan an dara húair an duine do bhí dall, agus a dubhradar ris: Tabhair glóir do Dhía: atá a dheimhin aguinne gur ab peacthach an duinesi.

25 Ar a nadhbharsin do fhreagair seision agus a dubhairt sé: Más peacthach é, ní bhfuil a fhios agamsa: atá fios a náoin neithesi agam, go raibh mé dall, agus go bhfaicim a nois.

26 Agus a dubhradarsan ris arís:

créd do rinne ſé riot? cionnas doſguil
ſé do ſhúile.
27 Do' fhreaguir ſeiſean iád; Dinnis
mé dhíbh cheana, agus níor éiſdeabhuir:
créud fa niárthaoi a chloiſdin a rís? an
mían libhſi leis bheith bhur ndeiſciob-
luibh aige?
28 Uime ſin tugadar aithis dó,
agus a dubhradar: Biſi ad dheiſciobal
aige: achd is do Mháoiſi is deiſciobail
ſinne.
29 Atá a fhios aguinne gur labhuir
Día ré Máoiſi: achd ní bhfuil a fhios
aguinn gá has don fhearſa.
30 Do fhreagair ſeiſean, agus a du-
bhairt ſe riú; Ata ní iongantach ann ſo,
nach bhfuil a fhios aguibhſi gá has dó,
agus gur oſguil ſé mó ſhúileſi.
31 Achd atá a fhios aguinne nach éiſ-
deann Día na peacthuidh: achd má
bheir duine onoír do Dhía, agus má ní
ſé a thoil, éiſdidh ſé an fearſo.
32 Ní clos ó thoſach an tſáoghail, gur
oſguil éainneach ſúile dhuine rugadh
dall.
33 Muna mbíadh an fearſo ó Dhía,
níor bhéidir leis ní ar bith a dhéunamh.
34 Do threagradarſan, agus a dubhra-
dar ris; A bpeacaidhibh rugadh thu-
ſa uile, agus an dteaguiſgeann tú ſinne?
agus do theilgeadar amach é.
35 Do chualuidh Jóſa gur theilgeadar
amach é; agus mar thárla ſé air, a du-
bhairt ſé ris; An gcreideann tuſa a
mac Dé?
36 Do fhreaguir ſeiſion, agus a dubh-
airt ſé; Agus cia hé féin, a Thighearna,
ionnus go gcreidſinn ann?
37 A dubhairt Iòſa ris, Do chunnairc
tú é: & as é an té labhrus riot é.
38 Agus a dubhairt ſeiſion, Creidim,
a Thighearna. Agus donóruidh ſé é.
39 Agus a dubhairt Jóſa; Chum brei-
theamhnuis thainig miſi ar a tſáoghalſa:
ionnus go bhfaicfidis na ndáoine nach
bhfaiceann, agus go ndallſuidhe na
dáoine do chí.
40 Agus do chúaladar cuid áirighe do
na Phairiſíneachuibh do bhí na fhochair
na neitheſi, agus a dubhradar ris; An
bhfuilmídne dall leis?
41 A dubhairt Jóſa riú; dá mbeith
ſibh dall, ní bhíadh peacadh oruibh:
achd a nois a deirthí, Do chímíd: ar a
nadhbharſin, fanuidh bhur bpeacadh
[oruibh.]

CAIB. X.

Gur fis Chríosd eidirdhealughadh do dhéanamh eidir an deagh àodhaire & an Tuaruſdaluigh, 31 tugadar na Hiuduighe fuadh nimhneach dhó.

GO deimhin, deimhin, a deirim ribh,
Gidh bé nach dtéid a ſdeach thríd
an ndorus go cró na gcáorach, achd
théid ſuás a dtáoibh eile, is gaduidhe é
agus biothamhnach.
2 Achd gidh bé théid a ſdeach air a
dorus, as é áodhaire na gcáorach é.
3 Js dó ſo oſglas an doirrſeóir,
agus éiſdid na cáoirigh a ghuth: agus
goiridh ſé a chàoirigh réir a nanman,
agus tréoruighidh ſé amach iád.
4 Agus an tan léigeas ſé a cháoirigh
féin amach, ſiobhluidh ſé rómpa, agus
leanuid na cáoirigh é: oír aithnighid
ſiád a ghuth.
5 Agus ni leanfaid ſiád áodhaire coimh-
thigheach, achd teithfid uádh: do bhrígh
nach aithnid dóibh guth na gcoimh-
thigheach.
6 Do labhair Jóſa an choſamhláchd ſo
riú: Gidheadh níor thuigeadarſan na
bríathra á dubháirt ſé riù.
7 Ar a nadhbharſin a dubhairt Jóſa riú
arís; Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, gur miſi dorus na gcáorach.
8 A dtáinig romham uile, as gaduidh-
the iád agus biothamhnuigh: achd níor
éiſdeadar na cáoirigh riú.
9 Is miſi an dorus, gidh bé neach ra-
chas a ſteach thríomſa, ſlaíneochthar é:
& rachuidh ſé a ſteach, & amach, agus
do ghéubha ſé ginbhiur.
10 Ní thig an gaduidhe, achd do ghoid,
agus do mhárbhadh, & do mhilleadh:
tháinig miſi ionnus go mbíadh beatha aca,
& go mbíadh ſí ní is fairſinge aca.
11 As miſi an táodhaire maith: cui-
ridh an táodhaire maith a anam féin
ar ſon na gcáorach.
12 Achd an túaraſdaluigh, & an té
nach bhfuil na áodhaire, & nach leis féin
na cáoirigh, dó chí ſé an mactíre ag
teachd, & fáguidh ſé na cáoirigh, &
teithidh ſé: & ſuáduighe an mactíre na
cáoirigh, agus ſcabuighe ſé iád.
13 Achd teithidh an túaruſdaluigh, ar
ſon gur túaruſdaluigh é, agus nach bhfuil
ſuim aige ann ſna cáorchuibh.
14 Is miſi an táodhaire maith, agus
aithnighim mo cháoirigh féin, agus aith-
nighid mo cháoirigh féin mé:
15 Mar aithnigheas an Tathair miſi, &
aithnighimſi an Tathair: agus do bhei-
rim manam ar ſon na gcáorach.
16 Agus atáid cáoirigh eile agam nach
don chróſo: & caithfidh mé iád ſin leis
do thabhairt leam, agus éiſdfid ſiád mo
ghuth, agus biâidh áonchrò amháin, &
áonáodhaire amháin ann.
17 Ar a nadhbharſo ghrádhuigheas
Mathair miſi, ar ſon go gcuirim manam
uáim, do chum go nglacfuinn é arís.
18 Ní bheireann éinduine úaim é, achd
cuirim féin uáim féin é: atâ cumhachda
agam a chur uâim, & atá cumhachda a-
gam a ghábháil chugam a rís. Fuair
mé an áithneſi ó Mathair.
19 Ar a nadhbharſin déirigh com-
ſpóid a rís eidir na Júduidhibh trés na
bríathraibhſe.
20 Agus a dubhradar mórán díobh;
Atá diabhal ann, & atá ſé ar buile: créd
fá néiſdtí ris?
21 A dubhradar cuid eile; Ní bríathra
dhuine iona bhfuil díabhal iád ſo: an
bhféudann an díabhal ſúile na ndáoine
dall doſgladh?

22 Agus

22 Agus do bhí sollamain choimhnigh-
the aththógbhála an teampoill a Nia-
rusalem, agus do bhí an geimhreadh ann.
23 Agus do bhí Iósa ag siobhal ann sa
teampall a bpóirsi Sholaimh.
24 Uime sin do chruinnigheadar na
Iúdaidhe na thimcheall, agus a dubhra-
dar ris; Gá fad chuinneóchas tú sinn a
ndanbarus? más tú Críosd, innis dúinn
é os áird.
25 Do fhreaguir Iósa iád; Dinniseas
dhóibh, agus ni chreidthi mé: na hoi-
breacha nim a nainm Mathar, do níd
siad sinne dhamh.
26 Gidheadh ni chreidtisi: oír ní dom
chaorchaibh sibh, mar a dubhairt mé
ribh.
27 Do chluinid mo cháoirighsi mo
ghuth agus aithnighim iád, agus leanuid
siad mé:
28 Agus do bheirim an bheatha mharr-
thanach dhóibh, agus ní rachaid siád a
mugha go bráth, agus ní fhúaideochaidh
éinneach as mo láimh iád.
29 Mathair noch thug dhamhsa [iád
as mé é iná na huile: agus ni fhéudann
éinneach a bhfuadach as láimh Mathar.
30 Misi & an Tathair as áon sinn.
31 Uime sin do thógbhadar na Iúdui-
dhe clocha a rís, chum a gcaithte ris.
32 Do fhreagair Iósa iád; Do thais-
beán mé mórán doibreachuibh maithe
dháoibh ó Mathair: cía aca obair ar
son a ngabhtháoi do chlochuibh oram?
33 Do fhreagradar na Iúdaidhe é,
ag rádh; Ní ar son oibre maithe ghabh-
máoid do chlochuibh ort, achd ar son
blaisphéime: agus air son thusa agus tú
ad dhuine, go ndéunann tú Dia dhiót
féin.
34 Do fhreaguir Iósa iád; An né nach
bhfuil sgríobhtha an bhur ndligheadhsa, A
dubhairt misi, As Dée sibh?
35 Má a dubhairt sé gur Dée na
dhoine úd chum a dtainig briathar
Dé, agus nach éidir an sgriobtúir a
sgaoileadh:
36 A nabartháoisi ris an té do bheann-
uigh an Tathair, & do chuir sé úadh air
a tsaoghal; Do ní tú blaisphéime, do
bhrígh go ndubhairt mé, Gur mé mac Dé?
37 Muna ndéunaim oibreacha Mathar
na creididhsi dhamh.
38 Achd má ním, gé nach ccreidtí
dhamhsa, creididh do na hoibreachuibh:
ionnus go naithéonadh sibh, agus go
gcreidfeadh sibh, go bhfuil an Tathair
ionnamsa, agus misi annsan.
39 Uime sin diárradar a rís a ghla-
cadh: agus dimthigh sé as a lámuibh.
40 Agus do chúaidh sé a rís tar Iordán,
don ionadh an ar bhaisd Eóin ar tús:
agus do chomhnuidh sé ann sin.
41 Agus tangadar mórán chuige, & a
dubhradar; Ní dhearna Eóin míorbhuile
ar bith: achd gach uile ní dhá ndubh-
airt Eóin dá thaoibh so, dob fhíor iád.
42 Agus do chreideadar mórán an sa
náit sin ann.

CAIB. XI.

Ath-dhúsgadh Lasarus ó mharbhuibh, 49 & Tairrghire Chaiphas an ainbhfios dó.

AGus do bhí óglach áirighe tinn, dar
bhainm Lásarus ó Bhetánia baile
Mhuire agus Mhartá a deirbhsheathrach.
2 (Agus do bí Muire do ong an Ti-
ghearna lé huinnement, & do thior-
muigh a chosa lé na grúaig, dar dhear-
bhrathair Lásarus do bhí tinn.
3 Uime sin do chuireadar a dheirbh-
sheathracha fios chuigesion, ag rádh; A
Thighearna féuch, atá an té as ionmhuin
leachd tinn.
4 Agus ar na chloisdin sin Díosá, a
dubhairt sé: Ni bhfuil an téagcruás so
chum báis, achd chum glóire Dé: do
chum go bhfuigheadh mac Dé glóir dhá
tháoibh.
5 Agus dob ionmhuin lé Híosa Martá,
agus a deirbhshiur, agus Lásarus.
6 Uime sin mar do chúaluidh sé
go raibh sé éugcrúaidh, dfan sé fós dhá
lá na chomhnuidhe ann sa náit a raibh
sé:
7 Agus tar a éisi sin a dubhairt sé
ré na dheisciobluibh; Déunam a ris go
tír Iúdaidhe.
8 A dubhradar a dheisciobail ris; A
mhaighisdir, a nois diárradar na Iú-
daidhe gabháil do chlochuibh ort: agus
an bhfuil tú ag dul a rís ann?
9 Do fhreagair Iósa, An né nach bhfuil
dhá uáir dhég sa ló? má shiobhlann duine
ann sa ló, ni fhaghann sé tuisleadh: oír
do chí sé solus an tsaoghailsi?
10 Gidheadh má shiobhlánn duine sa
noidhche, do gheibh sé tuisleadh: oír ní
bhfuil solus ann.
11 A dubhairt sé na neithese, agus na
dhiáighsin a dúbhairt sé riú; Atá ar gcara
Lásarus na chodladh: achd atáimse ag
dul dá dhúsachd as a chodladh.
12 Ann sin a dubhradar a dheisciobail;
A Thighearna, má tá sé na chodladh,
biáidh sé slán.
13 Gidheadh, as a dtimcheall a bháis
do labhuir Iósa: achd do shaoileadarsan
gur a dtimcheall a shúain chodalta do
labhair sé.
14 Uime sin a dubhairt Iósa an tan sin
ós áird riú; Fuáir Lásarus bás.
15 Agus atá lúathghair oram air bhur
sonsa, (do chum go gcreidfeadh sibh)
nach raibh mé a láthair ann sin: achd
déanam chuige.
16 Ar a nadhbharsin a dubhairt To-
más, ré ráidhthear Didimus, ré na
choimhdheisciobluibh; Déanaimne leis
dfagháil bháis na fharradh.
17 Uime sin thainig Iósa, agus fuair
sé é ar gcaitheamh cheithre lá cheana
ann sa túama.
18 Agus do bhí Betánia a bhfogus
Diarusalém a ttimcheall chuig sdáide
dég:
19 Agus tangadar mórán do na

 Iúdaig-

Júdaidhibh chum Martá agus Muire dá
gcomhfhurtachd fá na ndearbhráthair.
20 Agus mar do chúalaidh Martá
go raibh Críosd ag teachd, do chúaidh
sí na airrcis: achd do fhan Muire na
suidhe a sdigh.
21 Uime sin a dubhairt Martá ré
Jósa; A Thighearna, dá mbeithéasa ann
so ni bhfuigheadh mo dhearbhráthair-
si bás:
22 Achd atá a dheimhin agam a nois
mar an gcéadna, gidh bé ni iarrfus tú
ar Dhía, go ttiobhra Día dhuit é.
23 A dubhairt Jósa ría; Eiréochuidh
do dhearbhráthair a rís.
24 A dubhairt Marthá rís, atá a
fhios agam go néiréocha sé ann sa
neiséirghe, an lá déigheanach.
25 A dubhairt Jósa ría; Is misi a
neiséirghe agus an bheatha: gidh bé
chreideas ionnam, dá mbeith go mbiadh
sé tar éis bháis, mairfidh sé:
26 Agus gidh bé mhaireas, agus
chreideas ionnamsa: ní bhfuighe sé bás
go bráth: an gcreideann tú so?
27 A dubhairt sisi ris; Creidim a
Thighearna; do chreid mé gur tusa
Críosd mac Dé, tháinic air an tsao-
ghalso.
28 Agus an tan a dubhairt si so,
dimthigh si, & dó ghoir si a deirbh-
shiúr Muire a nuáigneas, ag rádh;
Tháinic an maíghisdir, agus atá sé dod
sarruidhsi.
29 An tan dó chúaluidh sisi sin, déirigh
si go tapaidh, & tháinig si chuige.
30 (Oír ní tháinig Iósa fá namsin
don bhaile: achd do bhí sé ann sa
náit ann a dtárla Martá dhó.)
31 Uime sin na Júdaidhe do bhí a
bhfochair Mhuire a sdigh, dá comhfhur-
tachd, an tan do chunncadar ag éirghe
go tapuidh í, & ag dul amach, do lea-
nadar í, ag rádh; Atá si ag dul chum
an túama, do chaoineadh ann.
32 Ar a nadhbharsin, an tan tháinig
Muire sa náit a raibh Jósa, agus do
chunnairc si é, do theilg si í féin fá na
chosaibh, agus a dubhairt si ris; A
Thighearna, dá mbeithéasa ann so ní
bhfuigheadh mo dhearbhráthairsi bás.
33 Ar a nadhbharsin an tan do
chunnairc Iósa ag gul í, agus na Iú-
daidhe tháinig le ag gul mar an
gcéadna, do rinne sé osna ann a spio-
raid, agus do bhúaidhir sé é féin.
34 A dubhairt sé; Gá háit ar chui-
reabhair é? a dubhradar ris; A Thi-
ghearna, tárr, agus féuch.
35 Agus do ghuil Iósa.
36 Uime sin a dubhradar na Iúdaidhe,
Féuch cionnus do ghrádhuigh sé é.
37 A dubhradar cuid díobh; A né
nach bhféudfadh an té so dosgail súile
an doill, a thabhairt fá deara mar an
gcéadna, nach bhfuigheadh an fearso bás?
38 Uime sin tháinig Iósa, & é a rís
ag osnaidhe ann féin, chum an túama:
agus dob uáimh mór é, agus cloch ar
na cur ós a chionn.
39 A dubhairt Iósa, Tóguidh an chloch.
A dubhairt Martá deirbhshiur an duine
mhairbh ris; A Thighearna, atá
drochbhaladh a nois air: óir atá ceithre
lá ó fúair sé bás.
40 A dubhairt Iósa ría; Nach dubhairt
mé riot, má chreideann tú, go bhfaicfe
tú glóir Dé?
41 Uime sin do thógbhadar an chloch
don áit a raibh an duine marbh curtha.
Agus do thóg Iósa a shúile súas, agus a
dubhairt sé; A Athair, do bheirim buidh-
eachus duit, do bhrígh gur éisd tú rium.
42 Agus atá a dheimhin agam, go
gcluin tú mé do ghnáth: achd ar son
an phobail atá na seasamh am thim-
cheall, a dubhairt mé so, ionnus go
gcreidfidís gur tusa chuir uáit mé.
43 Agus tar éis so do rádh dhó,
a dubhairt sé do ghuth árd; A Lá-
saruis, tárr amach.
44 Agus ar an mball tháinig an
duine marbh amach, agus a lámha agus
a chosa ceanguilte ris a naiséadach, &
a aghaidh ceanguilte ré naipcin. A
dubhairt Iósa ríu; sgáoilidh é, agus
leigidh dhó imtheachd.
45 Uime sin mórán do na Iúduighibh
tháinig chum Muire mar do chuncadar na
neithe do rinne Jósa, do chreideadar ann.
46 Agus do imthigheadar cuid aca
chum na Bhfairisineach, agus dinniseadar
dhóibh na neithe do rinne Iósa.
47 Ar a nadhbharsin do chruinnighea-
dar uáchdaráin na sagart agus na
Phairisinigh comhairle, & a dubhradar;
Créd do dhéanam? óir as iomdha mío-
bhuile do ní an fear so.
48 Má fhuilngemíd é mar só, creid-
fidh na huile dháoine ann, & tiocfaid
na Rómhánuigh agus sgriosfuid siad ar
náit, agus ar gcineadh.
49 Ann sin fear áirighe dhíobhsan
Cáiphas, ar mbeith dhó na árdshagart
an bhlíadhuinsin, a dubhairt sé riu;
Ni thuigthisi ní ar bith:
50 Agus ní smuáintighthí gur ab
oireamhnach go bhfuigheadh áonduine
amháin bás ar son an phobuil, & gan
an cineadh uile do sgrios.
51 Gidheadh ní úadh féin a dubhairt
sé so: achd ar mbeith dhó na árdsa-
gart an bhlíadhuinsin, do thairrnghir sé go
bhfuigheadh Jósa bás ar son an chinidh.
52 Agus ní ar son an chinidhsin
amháin, achd do chum go gcruin-
neochadh sé a cceann a chéile clann Dé
do bhí ar na leathnughadh.
53 Uime sin ón lá sin amach do
bhádar ag combairliughadh ré chéile
eisean do mharbhadh.
54 Ar a nadhbharsin níor shiobhail
Iósa ó sin súas go follus a measg na
Niudaidheadh, achd do chuáidh sé as sin
don tír do bhí a bhfogus don fhásach
go cathruigh ré a ráidhtear Ephrem:
agus

agus do chomhnuidh ſé ann ſin a bhfo-
chair a dheiſciobal.
55 Agus do bhí Cáiſg na Níuduidheadh
a bhfogas dóibh, agus do imthigheadar
mórán as a tírſin ſúas go Hiaruſalém
roimh Cháiſg dá nglanadh féin.
56 Uime ſin diarradar Íóſa, agus do
labhradar eatarra féin, na ſeaſamh annſa
teampoll: Créd chithear dháoibhſe tré
nach dtig ſé chum an fhéuſda?
57 Agus tugadar na hárdſhagairt
agus na Phairiſinigh áithne, gidh bé ar
bith do geabhadh a fhios gá háit a raibh
ſé, a innſin, do chum go mbéuraidís air.

CAIB. XII.

Do gabh Ióſa leithſgeul Muire Mhagdalén ioma nuinnemeid. 27 Ar atá a anam ar na chrádh a Niaruſalem.

AR a nadhbharſin tháinig Íóſa ſé lá
roimh Cháiſg go Bethania, mar a
raibh Láſarus marbh, noch do dhúi-
ſigh ſeiſean ó mharbhuibh.
2 Uime ſin do rinneadar ſuipér dhó
ann ſin, & do bhí Martá ag friotholamh:
achd do bhí Láſarus na áon don mhuinn-
tir do ſhuidh na fharradh ar tan mbórd.
3 Ann ſin do ghlac Muire pota
duinnement náird fhírinnigh romaſaill, &
do ung ſi coſa Íóſa, & do thiormuigh
ſi a choſa lé na grúaig: & do bhí an
teach ar na líonadh do bhaladh na
huinnemeinte.
4 Ar a nadhbharſin a dubhairt áon dá
dheiſciobluibhſean, Iúdas Iſcáriot [mhac]
Simóin, noch do bhí ar tí eiſion do bhrath;
5 Créd fá nar díoladh a nuinnement-
ſe ar thrí chéud pighinn, agus a dta-
bhairt do na bochduibh?
6 Gidheadh a dubhairt ſeiſion ſo, ní
hé go raibh ſuim aige ann ſna bochdaibh,
achd ar ſon gur ghaduidhe é, agus gur
ab aige do bhí an ſparán, agus gur ab
é díomchradh an ní do chuirthí ann.
7 Uime ſin a dubhairt Íóſa, Léig dhi:
a chomhair láethe madhluice do thaiſ-
gidh ſi ſo.
8 Óir atáid na boichd bhur bhfar-
radh do ghnáth, achd ní bhía miſi
do ghnáth agaibh.
9 Agus do bhí a fhios ag cuid mhóir
do na Iúdaidhibh go raibh ſé ann
ſin: agus tangadar, ní ar ſon Chríoſd
amháin, achd do chum go bhfaicfidís Lá-
ſarus fós noch do dhùiſigh ſeiſion ó
mharbhuibh.
10 Uime ſin do rinneadar na hárd-
ſhagairt do chomhairle, Láſarus fós do
mharbhadh:
11 Do bhrígh gur imthiodar mórán
do na Iúdaidhibh air a ſhonſan, agus
gur chreideadar a Níoſa.
12 Achd ar na mhárach mòrán dá dtái-
nig chum an fhéuſda, an tan do chuála-
dar go raibh teachd Íóſa go Hiaruſalém,
13 Do ghlacadar géuga pailme, agus
do chuádar a mach do theagmháil air,
& do éighmheadar, Hoſanna, as bean-
naighthe an té thig a nainm an Ti-
ghearna, Rí Iſráel.
14 Agus ar bhfagháil aſail Díoſa, do
ſhuidh ſé air, mar atá ſgríobhtha,
15 Ná bíodh eagla ort, a inghean
Shióin: féuch, atá do Rí ag teachd, na
ſhuidhe ar ſearrach aſail.
16 Achd níor thuigeadar a dheiſcio-
bail na neithe ſo ar tús; gidheadh an
tan do ghlórughadh Íóſa, ann ſin do
chuimhnigheadar go rabhadar na neitheſi
ſgríobhtha air, agus go ndéarnadar na
neithe ſo dhó.
17 Uime ſin do rinne an pobal do
bhí na fharradh, fiadhnuiſi dhó, do
bhrígh gur ghoir ſé Laſarus as an uáigh,
& gur dhúiſigh ſé é ó mharbhuibh.
18 As tríd ſin tháinig an pobal do
theagmháil air, do bhrígh go ccualadar
go ndéarna ſé an míorbhuilſi.
19 Ar a nadhbharſin a dubhradar
na Phairiſinigh eatarra féin; An bhfaicthí
nach feairde dhíbh áon ní dhá ndéuntáoi?
féuch, dimthigh an ſáoghal na dhiáigh.
20 Agus do bhí dream áirighe do na
Gréugachuibh a meaſg na muintire do
chúaidh ſúas do dhéanamh ſeirbhíſi do
Dhía ſan bhféuſda:
21 Agus tangadar dionnſuighe Philib,
noch do bhí ó Bhetſaida na Galílé: &
diarradar air, ag rádh; A mhaighiſtir
as mían linn Íóſa dfaicſin.
22 Táinig Philib agus dinnis ſé
Dhaindrías: agus a rís dinnis Ain-
drías agus Philib Díoſa é.
23 Agus do ſhreaguir Íóſa íad, ag
rádh; Tháinig an úair ionnus go bhfui-
gheadh mac an duine glóir.
24 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, Muna bhfagha an gràinne cruith-
neachda a thuiteas ann ſa talamh, bás;
fanuidh ſé na áonar: achd má gheibh
ſé bás, do bhéir ſé toradh mór uadh.
25 Gidh bé ghrádhuigheas a anam
féin, caillfidh ſé é: & gidh bé fhuáthui-
gheas a anam féin ar an ſáoghalſo, cói-
mhéudfaidh ſé é chum na beatha mar-
thanuighe.
26 Gidh bé ní ſeirbhís damhſa, lea-
nadh ſé mé: agus mar a mbía miſi,
bíaidh mo ſheirbhíſeach ann mar an
gcéadna: gidh bé dhéanas ſeirbhís
damh, bhéura Mathair onoir dhó.
27 Atá mhanam buaidheartha a nois:
agus créd a déura mé? A Athair, ſáor
mé ó nuáirſi: achd as chuige ſo tháinig
mé chum na huaireſi.
28 A Athair, tabhair glóir dod ainm
féin. Uime ſin tháinig guth ó neamh,
Tugas glóir, agus do bhéur glóir [dhó]
a rís.
29 Uime ſin an drong do bhí na ſea-
ſamh a lathair, agus do chúaluidh ſo,
a dubhradar gur tóirrneach do bhí ann.
A dubhairt cuid eile, gur haingeal do
labhair ris.
30 Do ſhreagair Íóſa, agus a dubhairt
ſé: Ní ar mo ſhonſa tháinig an guthſa,
achd ar bhur ſonſa.
31 A nois atá breitheamhnus an tſáo-
ghailſi

ghailsi a lathair: a nois teilgfidhear a-
mach úachdarán an tsaoghailsi.
32 Agus misi, má thógthar súas ón
talamh mé, tairéongaidh mé a nuile
dhuine chugam féin,
33 (Achd a dubhairt sé so, dha chur
a gcéill, créud i an ghné bháis do ghea-
bhadh sé.)
34 Do fhreaguir an pobal é; Do chúa-
lamairne ón dligheadh, go bhfanann
Críosd go siorraidhe: agus cionnus a
deir tusa, gur ab éigean mac an duine
do thógbháil a nairde? Cía hé an mac
so an duine?
35 Uime sin a dubhairt Jósa ríu;
Atá an solus bhur measg fós ar feadh
tamuill bhig: siubhlaidh an feadh bhías
an solus aguibh, deagla go mbéuradh
an dorchadus oruibh: Oír gidh bé
shiobhlus ann sa dorchadus, ní feas dó
gá háit a ngabhann sé.
36 An feadh atá an solus aguibh, crei-
didh ann sa tsolus, do chum go madh
clann don tsolus sibh. Do labhair Jósa
na neithesi, agus ar nimtheachd dó do
fholuigh sé é féin úatha.
37 Agus gé do rinne sé a noirid so
do mhíorbhailibh na bhfiadhnuisi, níor
chreideadar ann:
38 Do chum go gcoimhlíonfuidhe bría-
thar an fháidh Esaias, noch a dubhairt:
a Thighearna, Cia chreid ar nglórne,
agus cia dár nochdadh lámh an Ti-
ghearna?
39 As uime sin nár fhéadadar crei-
deamh, do bhrígh mar a dubhairt Esaias
a rís;
40 Do dhall sé a súile, agus do chrúa-
dhaigh sé a gcroidhe, deagla go bhfaic-
fidis lé na súilibh, agus go dtuigfidís
lé na gcroidhthibh, agus go bhfillfidis,
agus go sláinéochuinn iad.
41 Do labhair Esaias na neithe so, an
tan do chunnairc sé a ghlóirsean, agus
do labhair sé na thimcheall.
42 Achd fós do chreideadar mórán do
na huachdaránuibh féin ann: achd ar
son na Bhpairisíneach níor admhuighea-
dar é, deagla go gcuirfidhe amach as
an tsinagóig iad.
43 Oír dob annsa léo glóir na ndáoine,
ná glóir Dé.
44 Agus do labhair Jósa do ghuth árd,
agus a dubhairt se; Gidh bé chreideas
ionnamsa, ní hionnamsa chreideas sé,
achd ann sa té do chuir úadh mé.
45 Agus gidh bé chí misi, do chí
sé an té do chuir uadh mé.
46 Táinig mé mar sholus chum an tsáo-
ghail, ionnus gidh bé chreideas ionnam,
nach déanadh sé comhnuidhe a ndor-
chadas.
47 Agus gidh bé neach éisdeas mo
bhriathra, agus nach ccreidse iad: Ní
dháorsa misi é. Oír ní tháinig mé do
dhamnughadh an domhain, achd do
shlánughadh an domhain.
48 Gidh bé dhiúltus mé, agus nach
gabhann chuige mo bhríathra, atá aige
neach dháorus é: an bhríathar do labhair
mé, as í dháorfus é sa ló dheigheanach.
49 Oír níor labhair misi uaim féin,
achd an Tathair ó dtáinig mé, tug sé
áithne dhamh créd as cóir dhamh a rádh,
agus créd as cóir dhamh a labhairt.
50 Agus atá a dheimhin agam gur be-
tha mharrthanach a áithnesion. Ar a
nadhbharsin na neithe a deirimsi, is amh-
luidh a deirim iad, mar a dubhairt an
Tathair rium.

CAIB. XIII.

*Jósa Críosd na shompla iongantach ar Umh-
la. 44 & ar Ghradh ghlan.*

AGus roimh shollamain na Cásg, ar
na aithne Diosa go dtáinig a uair
ann a rachadh sé as an tsaoghalsa chum
a Nathar; ar ngrádhughadh a mhuin-
tire féin do bhí ar a tsaoghal, do ghrá-
dhuigh sé go deireadh iad.
2 Agus a ndiaigh suipéir (an tan do
chuir an diabhal a gcroidhe Júdáis Isca-
ríot mhic Simóin, eisean do bhrath.)
3 Ar na aithne Diosa go dtug an Ta-
thair na huile neithe fá na lámhuibh, &
gur ab ó Dhía tháinig sé, agus gur
chum Dé do bhí sé ag dul:
4 Déirigh sé ó shuipéir, agus do chuir
sé a bhrat de: agus ar ngabháil línéa-
daigh chuige do cheanguil sé roimhe
féin é.
5 Na dhiáigh sin do chuir sé uisge a
mbáisin, agus do thionnsgain sé cosa a
dheisciobal dionnladh, agus do thiorma-
ghadh leis an línéadach do bhí fá na úchd.
6 Ann sin tháinig sé chum Simóin
Peadair: agus a dubhairt Peadar ris;
A Thighearna, an bhfuil tusa ag ionn-
ladh mo chosa sa?
7 Do fhreaguir Jósa, agus a dubhairt
sé ris: Ní bhfuil a fhios agadsa nois,
créd do nímsi, achd biáidh a fhios
agad na dhiáigh so.
8 A deir Peadar ris; Ní nighse tú
mo chosasa go bráth. Do fhreaguir Jósa
é; Muna nighse mé thú, ní bhía co-
mann agad rium.
9 A dubhairt Siomón Peadar ris; A Thi-
ghearna, ní hiad mo chosa amhain, achd
mo lámha & mo cheann mar an gcéadna.
10 A dubhairt Iósa ris; Gidh bé atá
nighthe, ní bhfuil duireasbhuidh air
achd a chosa nighe, achd atá sé glan
uile: agus atá sibhse glan, gidheadh
ní bhfuiltí uile glan.
11 Oír do bhí a fhios aige cía bhraith-
feadh é: uime sin a dubhairt sé, Ní
bhfuiltí uile glan.
12 Ar a nadhbharsin tar éis a gcos
dionnladh dhó, agus a bhruit do gha-
bháil uime, ar suidhe síos dhó a rís, a
dubhairt sé ríu: An dtuigthí créd do
rinne mé ribh?
13 Goirthísi maighisdir agus Tighear-
na dhíomsa: agus as maith a deirthí
sin; óir as mar sin atáim.
14 Ar a nadhbharsin má dionnail
misi

misi; atá am Thighearna agus am mhai-
ghistir, bhur gcosasa, as cóir dháoibhsi
mar an gcéadna cosa a chéile dionnladh.
15 Oir tug mé éisiomplair dháoibh,
do chum go déanadh sibhsi, mar do
rinne misi dháoibhsi.
16 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, Ní mó an tóglach na a mhaighis-
tir, agus ní mó an teachdaire na an
té do chuir úadh é.
17 Má thuigthí na neithesi, bía sibh
beannaighe, má nithí íad.
18 Ní labhruim oruibh uile: atá a
fhios agum cia an dream do thogh mé:
achd do chum go gcoimhlíonfuidhe an
scriobtúir, An té ata ag ithe aráin am
fhochair, do thóg sé a shál am aghaidh.
19 A nois a deirim so ribh, súil thioc-
fus sé chum críche, ionnas an tan dhéun-
tar é, go gcreidfe sibh, gur mé atá ann.
20 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, Gidh bé ghabhus chuige an té chui-
reasfe úaim, gabhuidh sé misi chuige:
agus gidh bé ghabhus misi chuige, ga-
bhuidh sé an té chuir úadh mé, chuige.
21 Ar na rádh so Díosa do bhí sé
buidheartha na sbioraid, agus do rinne
sé finné, agus a dubhairt sé; Go dei-
mhin, deimhin, a deirim ribh, go
mbraithfi áon dáoibh misi.
22 Uime sin dféuchadar na deiscio-
bail ar a chéile, ag déunamh amharuis
cía air ar labhuir sé.
23 Agus do bhí áon dá dheisciob-
luibh na luidhe a nuchd Jósa, noch dob
ionmhuin leis.
24 Ar a nadhbharsin do sméid Síomón
Peadar ar an bhfearsin, do chum go
bhfiafróchadh sé, Cía air ar labhair sé.
25 Ann sin ar gcláonadh dhósan a
nuchd Jósa, a dubhairt sé ris: A Thi-
ghearna cía hé?
26 Do fhreaguir Iósa: As é an té dhá
dtiobhra misi greim aráin déis a thum-
tha: agus ar na thuma tug sé an greim
do Iúdás Iscariot mhac Símóin.
27 Agus tar éis an ghreama, annsin
do chúaidh an táidhbhersеóir a steach
ann san. Ar a nadhbharsin a dubhairt
Iósa ris, Gidh bé ní atá tú dhéanamh,
déna go tapaidh é.
28 Achd níor thuig éainneach dá
raibh a dtimcheall an bhuird, Créd fá
ndubhairt sé [so] ris.
29 Oir do shaoileadar cuid dhíobh, do
bhrígh gur ab ag Iúdas do bhí an spa-
rán, gur ab é ní a dubhairt Iósa ris,
Ceannuigh dhúinn gidh bé bhías a riach-
danus oruinn chum na sollamna: nó ní
éigin do thabhairt do na bochdaibh.
30 Agus an tan do ghlac seision an
greim, dimthigh sé amach ar ball:
Agus do bhí an oidhche ann.
31 Uime sin ar ndul amach dhó, a
dubhairt Iósa; a nois atá mac an
duine ar na ghlórughadh, agus atá Día
ar na ghlórughadh ann.
32 Má atá Día ar na ghlórughadh
annsan, do bhéara Día glóir dhósan ann
féin mar an gcéudna, agus do bhéura
sé glóir dhó ar an mball.
33 A chlann bheag, atáim fós seal beag
bhur bhfarradh: iarrfuidhe mé, gi-
dheadh mar a dubhairt mé ris na Iúdui-
dhibh, Gidh bé áit a dtéighimsi, ní fhéud-
faoisi theachd ann: is mar sin a dei-
rim ribhsi a nois.
34 Do bheirim áithne núa dhíbh, Grá-
duighe a chéile: mar do ghrádhuigh misi
sibhsi, grádhuighidh féin a chéile amh-
luidh sin.
35 Air so aithéonaid na huile dháoine
gur deisciobail dhamhsa sibh, má bhíonn
grádh aguibh féin dá chéile.
36 A dubhairt Siomón Peadar ris; A
Thighearna, gá háit a dtéid tú? do
fhreaguir Jósa é: mar a dtéighimsi, ní
fhéudann tusa a nois mo leanmhuin:
gidheadh leanfuidh tú mé na dhiáigh so.
37 A dubhairt Peadar ris; a Thighear-
na, Créud fá nach bhféaduim do lean-
mhuin a nois? cuirfidh mé manam ar
do shon.
38 Do fhreagair Iósa é, an gcuirfe tú
thanam ar mo shonsa? go deimhin, dei-
mhin, a deirim riot, ní ghoirfe an coi-
leach, súil shéanfas tú mé trí huáire.

C A I B. XIV.

Geallsa Críosd (6 fíor-slighe na beatha)
16 an Spiorad Naomh mar ghnáth-chui-
dighe da dhaóinibh.

NA buaidhearthar bhur gcroidhesi:
creidhidh a Ndía, agus creididh
ionnamsa.
2 As iomdha tiaghais a dtigh Mathar-
sa: & muna mbeith, dinnéosuinn dháoibh é.
3 Atáim ag dul dullmhughadh áite
dháoibh: agus ma imthighim dullmhu-
ghadh áite dháoibh, tiocfaidh mé a rís,
& géubhuidh mé sibhsi chugam fein:
ionnus mar a bhfuilimsi go mbía sibhse
fós ann.
4 Agus atá a fhios aguibhsi gá háit
a dtéighimsi, agus atá éolus na slígheadh
aguibh.
5 A dubhairt Tomás ris; A Thighear-
na, ní feas dúinne gá háit a dteid tú:
agus cionnas as éidir linn éolus na slí-
gheadh do bheith aguinn?
6 A dubhairt Jósa ris: As misi an tsli-
ghe, & a nfírinne, & an bheatha. Ní thig
áonduine chum a Nathar, achd tríomsa.
7 Dá madh aithnidh dháoibh misi,
dob aithne dhíbh máthair mar an gcéad-
na: & as aithnidh dháoibh a nois é,
agus do chunncabhair é.
8 A dubhairt Philib ris: A Thighear-
na, taisbén an Tathair dhúinn, agus is
lór linn é.
9 A dubhairt Jósa ris; An bhfuilim
a nfadsa dhaimsir bhur bhfochair, agus
nach aithnidh dhuit mé, a Philib? gidh
bé chunnairc Misi, do chunnairc sé an
Tathair, agus cionnas a deir tusa, Tais-
bén dúinn an Tathair.
10 An bé nach ccreideann tú go
bhfuil-

bhfuillimsi ann sa Nathair, agus an Ta-
thair ionnamsa ? na briathra labhrum
ribhse, ni uáim féin labhruim íad : achd
an Tathair atá na chomhnuidhe ionnam,
as é do ní na hoibreacha.
11 Creididh mé go bhfuilimsi ann sa
Nathair,agus an Tathair ionnumsa : ní as
lugha dhe, creididh dhamh ar son na
noibreacha féin.
12 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, Gidh bé chreideas ionnamsa, do
dhéuna sé na hoibreacha nimsi, & do
dhéuna sé oibreacha as mó ná iad : Oir
atáimsi ag dul dionsuighe Mathar :
13 Agus gidh bé ní iarrfuidhe am
ainmsi, do dhéuna misi sin : do chum
go ndéanfaidh an Tathair a ghlórughadh
ann sa mac.
14 Má iarrthaói ní ar bith a mainmsi,
do dhéuna misi é.
15 Más ionmhuin libh misi, coimhéu-
duidh maitheanta.
16 Agus guidhfidh misi an tathair,
agus do bhéura sé comhfhurtuightheóir
eile dhaóibh,ionnus go bhfanfadh sé bhur
bhfochair go bráth :
17 Spiorad na fírinne, noch nach
bhféudann an saoghal do ghabháil, ar a
nadhbhar nach bhfaiceann sé é, & nach
aithnigheann sé é : achd aitheantaòisi é,óir
fanuidh sé aguibh, & biaidh sé ionnuibh.
18 Ni bhfuigse mé bhur ndilleachduibh
sibh : tiucfa me chugaibh.
19 Tamall beag fos, agus ní fhaicse
an saoghal feasda mé, achd do chífidhisi
mé : do bhrígh go bhfuilimsi béo, beithí-
si béo mar an gcéadna.
20 An sa lá sin aitheontaói go bhfui-
limsi sa nathair, agus sibhsi ionnamsa, a-
gus misi ionnuibhsi.
21 Gidh bé agá bhfuilid maitheantasa,
& choimhéadas iad, as é sin ghrádhui-
gheas misi : agus gidh bé ghrádhuigheas
misi, graidheochaidh Mathair eisean : &
gráidhéochuidh misi é, agus foillseochad
mé féin dó.
22 A dubhairt Judás ris, Ní hé Isca-
riot ; A Thighearna, créd é an tadhbhar
fá dtaisbéantá thú féin dúinne, agus ní
don tsaoghal ?
23 Do fhreaguir Jósa, agus a dubhairt
sé ris ; Gidh bé ghrádhuigheas misi, coi-
mhéudfuidh sé mo bhriathar, & gráidhéo-
chuidh Mathair é, agus tiocfamaóid
chuige,& do dhéunam comhnuidhe aige.
24 Gidh bé nach grádhuigheann, misi,
ní choimhéudann sé mo bhriathra : & an
bhriathar do chúalabhair, ní leamsa í,
achd leis a Nathair do chuir uadh mé.
25 A dubhairt mé na neithesi ribh,
air mbeith am chomhnuidhe aguibh.
26 Achd an comhfhurtaightheóir an
Spiorad náomh,noch chuirfeas an Tathair
uadh a mainmsi, múinfidh sé na huile
neithe dhibh, & cuirfidh sé a ccuimhne
dhibh, gach uile ní dhá ndubhairt misi
ribh.
27 Fágbhuim siodhcháin aguibh, do
bheirim mo shíodhcháin féin dhaóibh ;
ní mar do bheir an saoghal, do bheir-
rimsi dhaóibh. Ná buaidhearthar bhur
ccroidhe, agus ná bíodh eagla air.
28 Do chualabhair go ndubhairt mé
ribh ; Imthighim & thigim chugaibh.
Dá ngrádhuigheadh sibh misi, go fírin-
each do bhiadh luathgháir oruibh, do
bhrígh go ndubhairt mé, Atáim ag dul
chum a Nathar ; óir as mó Mathair ná
misi.
29 Agus a nois dinnis mé[so] dhaóibh,
suil thiocsas sé chum criche, ionnus go
gcreidfeadh sibh, an tan thiocfas sé chum
críche.
30 O so amach ní laibhéora mé mó-
rán ribh : oir atá úachdarán an tsaogh-
uilsi ag teachd, agus ní bhfuil ní ar bith
aige ionnamsa.
31 Achd ionnus go naithéonadh an
saoghal gur ab ionmhuin léam an Ta-
thair : agus amhuil mar thug an Ta-
thair áithne dhamh, is mar sin do
ním : éirghidh, déunam as so.

CAIB. XV.

*Gu bhfuil leas uile na Gcreidmheach ó ghrá-
saibh Chriosd, mar thoradh na ngéug ó
fhrigh na Fineamhna.*

AS misi an fhíneamhuin fhírinneach,
agus as criadhuire Mathair.
2 Gach uile ghéug ionnamsa nach
dtabhair toradh, gearruidh sé í : agus
gach uile [ghéug] do bheir toradh, gla-
nuidh sé í, do chum go madh mó do
do bheuradh sí toradh uáithe.
3 A nois ata sibh glan treas an
mbréithir do labhair mé ribh.
4 Fanuidh ionnamsa, agus misi ionn-
uibhsi. Amhail as nach bhféudann an
ghéug toradh do thabhuirt uáithe féin,
muna bhfana sí sa bhfineamhuin : is
mar sin ní fheudsa sibhse fós, muna
bhfantaói ionnamsa.
5 As misi án fhíneamhuin, sibhsi na
géuga : gidh bè fhanus ionnamsa, agus
misi annsan, do bheir sé toradh mór : óir
gan misi ní héidir libh éainní dhéanamh.
6 Gidh bé nach bhfansa ionnamsa,teil-
githear amach é mar géig, & críon-
fuidh sé : annsin chruinnighid, & cuirid
sa teinidh iad, & loisgthear iad.
7 Má fhanann sibh ionnamsa, & má
fhanuidh mo bhríathrasa ionnuibhse, iar-
ruidh gach ní bhus áill libh, agus do
dhéuntar dhaòibh é.
8 As so do gheibh Mathairsi glóir,
sibhsi do thabhairt móráin toraidh : &
bheith bhur ndeisciobluibh agamsa.
9 Mar go ghrádhuigh an Tathair misi,
as mar sin do ghrádhuigh misi sibhsi ;
fanuidh am ghrádhsa.
10 Má choimhéudtaói maitheanta, fan-
fuidhe am gradh : mar do choimhéud
misi aitheanta Mathar, agus fanuim ann
a ghrádh.
11 A dubhairt mé na neithe so ribh,
ionnus go bhfanfadh mo gháirdeachus
ionnuibh, & go mbiadh bhur ngairdea-
chus lán.

12 As ! so máithnesi, fibhsi do ghrá-
dhadh a cheile, mar do ghrádhaigh
mé sibhsi.
13 Ní bhfuil grádh as mó ná so ag
neach, ná a anam féin do thabhairt
ar son a charad.
14 Is sibhsi mo cháirdesi ma níthi
sibh ní dá náithnighim dhibh.
15 Uadh so súas ní ghoirfe mé searbh-
fhoghantuidhe dhíbh, óir ní bhfuil a
fhios ag an tsearbhfhoghantuidh créud
do ní a Thighearna : achd do ghoir mé
cáirde dhibh, óir na huile neithe do
chualaidh mé ó mathair, do léig mé a
bhfios chugaibhsi.
16 Ní sibhsi do thogh misi, achd misi
do thogh sibhsi, & do chuir mé sibh
ionnus go nimtheochadh sibh & go
dtiubhradh sibh toradh, & go bhfan-
fadh bhur dtoradh : ar chor gidh bé ní
iarrfuidhe a mainmsi ar á nathair, go
dtiubhradh sé dhíbh é.
17 Aithnighim na neithesi dhibh, do chum
grádha do bheith aguibh féin dá chéile.
18 Má fhúathuigheann an saoghal sibh
biodh a fhios aguibh gur fhúathaigh sé
misi romhuibh.
19 Da mádh don tsáoghal sibh, do
ghrádhéochadh an saoghal a chuid féin :
gidheadh ar son nach don tsáoghal sibh,
achd gur thogh misi sibh as a tsáoghal,
ar a nadhbharsin atá fúath ag an tsáo-
ghal daóibh.
20 Cuimhnighidh ar an mbreithir a
dubhairt mé ribh, Ní mó an searbhfho-
ghantaidh ná a mhaighisdir ; má ghér-
leanadar misi, gérleanfuid sibhsi mar an
gcéudna ; má choimhéudadar mo bhría-
tharsa, coimhéudfuid bhur mbriatharsa
mar an gcéadna.
21 Achd do dhéunuid síad na neithesi
uile ribh, ar son manmasa : do bhrigh
nach bhfuil fios an tí ó a dtáinig mé aca.
22 Muna bheith go dtáinig mé, & gur
labhuir mé ríu, ní bhíadh peacadh orra :
achd a nois ní bhfuil leisgéul a bpea-
caidh aca.
23 Gidh bé agá bhfuil fúath dhamhsa,
fúathuighidh sé Mathair mar an gcéadna.
24 Muna dhéarnuinn oibreacha na
measg, nach dearna neach ar bith eile,
ní bhiadh peacadh orra : achd a nois
do chonncadar, agus fós do fhúathui-
ghedar misi, agus Mathair.
25 Achd [do rinneadh so] ionnus go
gcomhlíonfuidhe an rádh atá sgríobhtha
ann a ndligheadh féin : Do fhúathaighea-
dar mé gan adhbhar.
26 Achd an tan thiocfas an comhfhur-
tachtheóir noch chuirfeas misi chugaibh
ón athair, Spiorad na firinne, thig ón
Athair, do dhéuna sé fiadhnuisi am thim-
cheallsa.
27 Agus do dhéuntaóisi fiadhnuisi leis,
óir atáthaói am fhochuir ó thús.

CAIB. XVI.

*Criosd na Cheann-sompla dá luchd lean-
mhuina, ar ansbocra an tsaoghailsi fhulang,
33 & ag teadhughadh orra.*

A Dubhairt mé na neithesi ribh,
deagla go bhfuigheadh sibh oilbhéim.
2 Cuirfid síad as na sinagóguibh
sibh : agus fós tig a nuáir, gidh bé
mhuirfeas sibh, go mbhreathnócha sé
go ndéanann sé seirbhís do Dhía.
3 Agus do dhéunuid síad na neithe
so ribh, ar son nach aithne dhóibh an
Tathair ná misi.
4 Achd do labhuir mé na neithe so
ribh, ionnus an tan thiocfas an uáir go
gcuimhnéochadh sibh na neithesi, gur innis
mé dhibh iad. Gidheadh níor innis mé
dhíbh ó thús iad, do bhrígh go raibh
mé féin aguibh.
5 Agus a nois atáim ag imtheachd
chum an té do chuir úadh mé, agus ní
fhiafruigheann éunduine aguibhse dhíom
Cá háit a dtéid tú ?
6 Achd do bhrígh go ndubhairt mé
na neithesi ribh, do líon dobrón bhur
gcroidhthe.
7 Gidheadh a deirim a nfírinne ribh, is
é bhur leas misi imtheachd. Oír muna
nimthighe mé, ní thiocfa an comhfhur-
thaightheóir chugaibh : achd má im-
thighim, cuirfidh me chugaibh é.
8 Agus an tan thiocfas sé, aigeóraidh
sé an domhan a dtáobh peacuidh, agus
ceirte, agus breitheamhnuis.
9 A dtáobh Peacuidh, ar son nach
ccreidid síad ionnamsa.
10 Agus a dtáobh Ceirte, do bhrígh
go bhfuilim ag dul dionnsuighe Mathar,
agus ní fhaicfidhesi mé ó so súas.
11 Agus a dtáobh Breitheamhnuis, ar
son go bhfuil úachdarán an tsáoghailsi
ar na dhamnughadh.
12 Atá mórán agam fós ré rádh ribh,
achd ní fhéudtaói a niomchar a nois.
13 Achd an tan thiocfus seisean, Spio-
rad na firinne, tréorochaidh sé sibh chum
gach uile fhírinne ; óir ní úadh féin lai-
bhéoras sé, achd laibhéoruidh sé na huile
neithe chluinfeas sé : agus foillséochuidh
sé dhíbh na neithe atá chum teachda.
14 Do bhéura seisean glóir dhamhsa,
óir dom chuidse ghlacfus sé, agus fhoill-
séochas sé dhíbhsi.
15 As leamsa na huile neithe atá
ag a Nathair : ar a nadhbharsin a du-
bhairt mé gur dom chuidse ghlacfus sé,
agus fhoillséochas sé dhíbhsi.
16 Tamall beag agus ní fhaicfe sibh
mé : agus a rís, tamall beag, agus do
chífe sibh mé : óir atáim ag dul chum a
Nathar.
17 Uime sin a dubhradar cuid dá
dheiscíobluibh ré chéile, Cred é so a deir
sé rinn, Tamall beag agus ní fhaicfidhe
mé, agus a rís tamall beag agus do
chífidhe mé : agus oír atáim ag dul
chum a Nathar ?
18 Ar a nadhbharsin a dubhradar,
Créd as cíall don ní so a deir sé, Ta-
mall beag ? ní thuigmid créd a deir
sé.
19 Achd do bhí a fhios ag Iósa gur

mhian

mhían léo a fhíafruighe dhe, & a du-
bhairt sé riu; An bhfuilti dhá fhíafruighe
so eadruibh féin, mar a dubhairt mé,
Tamall beag, & ní fhaicfidhe mé: agus
a rís, tamull beag agus do chífí mé?
20 Go deimhin, deimhin, a deirim
ribh, Go nguilfidhe agus go gcáoinfidhe,
& go ndéana an sáoghal gáirdeachus:
achd beithisi dóbrónach: gidheadh fill-
fidhear bhur ndóbhrón a ngáirdeachus.
21 Ag breith leinibh do mhnáoi, bi si
a bpéin, óir tháinig a huáir: achd tar
éis leinibh do bhreith dhi, ní chuimhni-
gheann si a doilgheas ní as soide, lé gair-
deachus go rugadh duine chum an tsáo-
ghuil.
22 Agus sibhsi mar an gcéadna, atá-
tháoi a nois go dóbrónach: gidheadh
do chífe mé a rís sibh, agus do dhéunaid
bhur gcroidhe gairdeachus, & ní bhéu-
ra éunduine bhur ngairdeachus uáibh.
23 Agus ann sa ló sin ní fhiafróch-
tháoi éinní dhiomsa. Go deimhin, dei-
mhin, a deirim ribh, Gidh bé ar bith
neithe iarruidhe ar a Nathair a mainm-
si, do bhéura sé dhíbh é.
24 Go nuige so níor iarrabhair ní ar
bith a mainmsi: iarruidh, agus do
gheubhtháoi, ionnus go mbíadh bhur
ngáirdeachus lán.
25 Do labhuir mé na neithesi ribh a
mbríathruibh dorcha; tiocfuidh a naim-
sir, ann nach laibhéora mé ribh a mbría-
thruibh dorcha, achd laibhéoruidh mé
ribh go follus a dtimcheall a Nathar.
26 Ann sa ló sin iarrfuidhe a mainm-
si, agus ní abruim ribh, go nguidhse
mé an Tathair ar bhur son.
27 Oir atá grádh ag a Nathair fein
dáoibh, ar son gur ghrádhuigheabhuirse
misi, agus gur chreideabhuir gur ab ó
Dhia tháinig mé.
28 Tháinig mé amach ó Nathair, & thái-
nig mé air a tsóghal: fágbhuim an sáo-
ghal a rís, & téighim chum a Nathar.
29 A dubhradar a dheisciobail ris;
Féuch, a nois labhrus tú go soilléir, &
ní labhrann tú cosamhlachd ar bith.
30 A nois aithneamáoid go bhfuil
fios na nuile neitheann agad, & nach
righeann tú a leas duine ar bith do
chur cheasda ort: as so chreidmid, gur
ab ó Dhía tháinig tú.
31 Do fhreaguir Iósa íad; An
gcreidtí a nois?
32 Féuch, tiocfuidh a naimsir, agus
tháinig si cheana, ann a sgarfuidhear
gach áon díbh ó a cheile, gach uile
dhuine dá ionad féin, agus fúigfidhe misi
am áonar: gidheadh ní bhfuilim am
áonar, óir atá an Tathair am fhochuir.
33 Do labhuir mé na neithesi ribh,
do chum go mbeith síodhcháin aguibh
ionnumsa. Do ghéubhtháoi triobloid sa
tsáoghal: achd bíodh dóchus maith a-
guibh; do bhúadhuigh misi ar a tsáo-
ghal.

C A I B. XVII.

Urnuidh Iosa dhá Athar, ag i[...] 11 Aondacht, 17 Firinne, 20 & [...] shonas da dhaoinibh féin uile.

DO labhair Iósa na neithesi, agus ag
tógbháil a shúl chum neimhe dh[...]
a dubhairt sé: A Athair, tháinig a nuair,
tabhair glóir dod mhac féin, ionnus go
dtíubhradh do mhac glóir dhuitse ma[r]
an gcéadna.
2 Amhail as do thug tú cumhachd
dhósan air gach uile fheóil, do chum go
dtiobhradh sé an bheatha mharrthanach
do gach uile dhuine dhá dtug tú dhó.
3 Agus as sí so an bheatha mharrtha-
nach, go naithneóchaid siad thusa an
táoinnDía firinneach, agus Iósa Críosd
do chuir tú uáit.
4 Tug misi glòir dhuitsi ar a talamh:
do chríochnuigh mé an obair thug tú
dhamh ré a dhéanamh:
5 Agus tabhairsi a Athair, a nois glóir
dhamhsa, ad fhochair féin, maille ris
an nglóir do bhí agam ad fhochair sul
do cruthuigheadh an sáoghal.
6 Dfoillsigh mé thainm do na dáoi-
nibh thug tú dhamh as a tsáoghal: ba
leachdsa íad, & thug tú dhamhsa íad,
agus do choimhéadadar do bhriathar.
7 A nois daithnigheadar gur ab uáid-
si atáid na huile neithe, dhá dtug tú
dhamhsa.
8 Oir tug misi dhòibh na bríathra
thug tusa dhamh: agus do ghabhadar
chuca íad, agus daithnigheadar go dei-
mhin gur ab uáitsi tháinig misi, agus
do chreideadar gur tusa chuir uáit mé.
9 Ar a son ataimsi ag guidhe; ní
ar son an tsáoghuil do nim guidhe, achd
ar son na muintire thug tusa dhamh,
óir is leachdsa íad.
10 Agus as leachdsa na huile neithe
is leamsa, agus as leamsa na neithe as
leachdsa, agus atáim ar mo ghlórughadh
iontasan.
11 Agus ní bhfuilim feasda sa tsáo-
ghal, gidheadh atáid so sa tsáoghal, &
atáimsi ag teachd a tionnsaidhsi. A athair
náomhtha, coimhéid ann hainm féin an
mhuintir thug tú dhamhsa, ionnus go
mbeidís na náon, mar atámáoidne.
12 An feadh do bhí misi na bhfarradh
sa tsáoghal, do choimhéd mé íad ad
ainmsi: do choimhéd me an mhuintir
thug tusa dhamh, & ní dheachuidh aon
duine aca a mugha, achd mac na mal-
lachd: ionnus go gcoimhlíonfuidhe an
sgríobtúir.
13 Achd atáim a nois ag teachd ad
choinnesi; agus labhraim na neithesi ar a
tsáoghal, ionnus go mbíadh mo ghái[r]-
deachas iomlán ionntasan.
14 Tug misi do bhríatharsa dhóibh
agus do fhúathuigh an sáoghal íad, ar
son nach don tsáoghal íad, mar nach
bhfuilimsi don tsáoghal.
15 Ní iarruim go mbéursa íad as a
tsáoghal, achd go gcoimhédsa íad air olc.

16 Ní don tſoghal iad, mar nach don
...ghal miſi.
17 Náomhuigh iad léd fhírinne: as í
...bhríatharſa an fhírinne.
18 Amhail as do chuir tuſa miſi chum
...ſaoghail, is mar ſin do chuir miſi
...n chum a tſaoghail.
19 Agus is ar a ſonſan náomhaimſi
...féin, ionnus go mbéidíſean mar an
...udna ar na náombadh ſa bhfírinne.
20 Ní ar a ſonſan amháin do ním
...ihe, achd mar an gcéudna ar ſon na
...oine chreidſios ionnam, tré na mbrei-
...ſean:
21 Ionnus go mbéidís uile na náon,
...atá tuſa a Athair ionnamſa, agus
...i ionnadſa: ionnus go mbéidiſion mar
...géadhna na náon ionnuinne; ionnus
...gcreidfeadh an ſáoghal, gur tuſa do
...ir uáit mé.
22 Agus tug miſi dhóibhſean an
...hlóir thug tuſa dhamhſa: ionnus go
...beidís na náon, mar atámaoidne ar
...áon.
23 Miſi ionntaſan, agus tuſa ionnamſa,
...nus go mbeidís go hiomlán na náon,
...us ionnus go mbiadh a fhios ag an
...ſoghal gur tuſa do chuir uait mé, &
...r ghrádhuigh tú iadſan, mar do
...rádhuigh tú miſi.
24 A Athair, is áill leam an dream úd
...ug tú dhamh, do bheith am fhochair
...r a bhfuilim: ionnus go bhfaicfidís
...o ghlóir, noch thug tuſa dhamh, óir
...o ghrádhuigh tú mè ſuil do chruthuigh-
...adh an domhan.
25 A Athair chomhthruim, níor aithin
...n ſaoghal thuſa, achd daithin miſi thú,
...us daithnigheadar ſo gur tuſa do chuir
...it mé.
26 Agus dfoillſigh mé thainmſi dhóibh,
...us foillſéochaidh mé é, ionnus an
...rádh lér ghrádhuigh tú miſi, go
...mbiadh ſé ionntaſan, agus miſi ionnta.

CAIB. XVIII.

...thaiſben Críoſd ach beagan dá chumhachd 6 tan bhí ſé a nláimh, 36 do bhrígh nach don tſaoghalſa a rígheacht.

AN tan a dubhairt Ióſa na neitheſi, do
chuáidh ſé féin maille ré na dheiſcio-
bhlaibh tar ſruth Cédron, mar a raibh
garrdha, an a ndeachuidh ſeiſion, &
a dheiſciobail.
2 Agus do bhí fios na háite ſin ag
Iúdas fós, noch do bhráith eiſean; óir
do tigdís Ióſa agus a dheiſciobail a
ceáinfheachd go minic ſa náitſin.
3 Uime ſin a nuáir do ghlac Iúdas
buidhean, & oifigidh ó na hárdſhagur-
tuibh, & ó na Phairiſineachuibh, tháinig
ſé don ionadh ſin lé lainndéiribh, & le
tóirſidhibh, agus lé harmuibh.
4 Ann ſin ar na aithne Dioſa na
huile neithe do theigéumhadh dhó féin,
do chuáidh ſé amach agus a dubhairt ſé
riu; Cia atá ſibh iarruidh?
5 Do fhreagradar é; Ióſa Naſardha.
A dubhairt Ióſa riu, As miſi é. A-
gus do bhí Iúdas, noch do bhraith é, na
ſheaſamh na bhfochuir.
6 Ann ſin mar is táoſga a dubhairt ſé
riu, Is miſi é; do chúadar ar a gcúl,
agus do thuiteadar air talamh.
7 Uime ſin dfiáfruigh ſé dhíobh a
ris; Cia atá ſibh iarruidh? Agus a
dubhradarſan, Ióſa Naſardha.
8 Do fhreaguir Ióſa, Dinnis mé dhaóibh
gur miſi é. Ar a nadhbharſin más miſi
iarrthaói, léigidh dhóibh ſo imtheachd.
9 Ionnus go gcoimhlíonfuidhe an bhría-
thar a dubhairt ſeiſean; Níor léig mé
éunduine a mugha dhá dtug tú dhamh.
10 Ann ſin Síomón Peadar, agá raibh
cloidheamh, do tharruing ſé amach é, &
do bhuáil ſé oglach an árdſhagairt, &
do ghearr ſé a chlúas dheas de. Agus as
é do bainm don óglach, Malcus.
11 Uime ſin a dubhairt Ióſa ré Pea-
dar, Cuir do chloidheamh an a thruáill:
an né nach íobha miſi an cupan tug
Mathair dhamh?
12 Ann ſin rug an bhuidhean, agus an
caiptín, agus oifigidh na Niuduidheadh
ar Ióſa & do cheangladar é.
13 Agus rugadar a lathair Annas ar
tús é: (óir do bé athair mhná Chai-
pháis é noch dob árdſhagart an bhlia-
dhain ſin:)
14 Agus do bé Caiphas an té thug
comhairle do na Iúdaidhibh, Gur thar-
bhach éunduine amháin dfagháil bháis
ar ſon an phobail.
15 Agus do lean Síomón Peadar, agus
deiſciobal eile Ióſa. Agus dob aith-
nidh don árdſhagurt an deiſciobal ſin:
ar a nadhbharſin do chuáidh ſé a
ſteach lé Híoſa go cúirt an árdſha-
guirt.
16 Achd do ſheas Peadar ag an dorus
leith a muigh. Ar a nadhbharſin do
chuáidh an deiſciobal eile ſin, noch dob
aithnidh don árdſhagart, agus do labhair
ſé ris an mbandoirrſeóir, agus tug ſé
Peadar a ſteach.
17 Ann ſin a dubhairt an bhandoirr-
ſeóir ré Peadar: Nach do dheiſciobluibh
an fhirſi thuſa leis? A dubhairt ſeiſion,
Ní headh.
18 Agus do bhádar na ſearbhfho-
ghantaidhe agus na hoifigidh na ſea-
ſamh ag an dteinidh, óir do bhí an
aimſir fúar, agus do bhádar dá ngo-
radh féin. Agus do ſheas Peadar mar
an gcéudna dá ghoradh na meaſg.
19 Ann ſin do chuir an tárdſhagurt
ceiſd ar Ióſa a dtáobh a dheiſciobal
agus a theaguiſg.
20 Do fhreaguir Ióſa é; Do labhair
miſi ós áird ris a tſáoghal: do thea-
gaiſg mé do ghnáth ann ſa tſina-
góig, agus ann ſa teampoll, mar a
gcruinnighid na Iúdaighe uile a gceann
a chéile, agus níor labhair mé éinni
a bhfólach:
21 Créud ſa bhfiafruigheann tú
dhíomſa? fiafruigh don mhuintir do
chúaluidh

chualuidh créd a dubhairt mé ríu: Féuch,
atá a fhios aca ſo créd a dubhairt mé.
22 Agus an tan a dubhairt ſé na nei-
thesi, do bhuáil óglach do na máo-
ruibh do bhí na ſheaſamh a láthair, bas
ar Ióſa, ag rádh; An mar ſin fhreagrus
tú an tárdſhagart?
23 Do fhreaguir Ióſa é; más olc a
dubhairt mé, déana ſinné a dtáoibh an
uilc: achd más maith, Créd fá mbuái-
leann tú mé?
24 Ar a nadhbharſin do chuir Annas
ceanguilte chum Caiphais a nárdſhag-
airt é.
25 Agus do bhí Siomón Peadar na
ſheaſamh agus dá ghoradh féin: uime
ſin a dubhradarſan ris, Nach dá dheiſ-
ciobluibh ſúd thuſa leis? do ſhéan ſei-
ſean agus a dubhairt ſé; Ní headh.
26 A dubhairt fear do mhuintir a
nárdſhaguirt, brathair don té dár ghéarr
Peadar a chlúas: Nach bhfacaidh mé
féin thú ann ſa ghárrdha na fhochuir?
27 An ſin do ſhéan Peadar a rís; agus
ar an mball do ghoir an coileach.
28 Na dhiáigh ſin beirid ſiad Ióſa
léo ó Chaiphas go tigh na Cúirte, &
do bhí an mhaidin ann: agus ní dhea-
chadar féin don chúirt a ſdeach, ionnus
nach dtruáillfidhe iad, achd go níos-
faidis [ûan na] Cáſg.
29 Ar a nadhbharſin do chûaidh Pioláid
a mach chuceſan, agus a dubhairt ſé;
Créd í an chúis chuirthi ar a nduine-
ſi?
30 Do fhreagradarſan, agus a dubh-
radar ris; Muna mbiadh ſé na fhear
déanta uilc, ní thiobhramáoiſne chugad-
ſa é.
31 Ann ſin a dubhairt Pioláid ríu;
Beiridh féin libh é, agus beiridh breath
na aghaidh do réir bhur ndlighe féin.
Uime ſin a dubhradar na Iúduidhe ris;
Ní dleisdeanach dhúinne íonduine
mharbhadh:
32 Ionnus go gcoimhlionfuidhe an
bhríathar a dubhairt Ióſa, ag taisbéunadh
créd í an ghné bháis do gheabhadh ſé.
33 Ar a nadhbharſin do imthigh Pio-
láid a rís don chúirt, agus do ghoir
ſé Ióſa, agus a dubhairt ſé ris; An tuſa
Rí na Niudaidheadh?
34 Do fhreaguir Ióſa é; an uáit féin
a deir tú ſin, nó nar inneaſadar dáoine
eile dhuit é am thimcheallſa?
35 Do fhreaguir Pioláid; An don
chineadh Iúdaidhe miſi? do chineadh
féin agus na hárdſhagairt tug chugamſa
thú, Créd do rinne tú?
36 Do fhreaguir Ióſa, Ni don tſáo-
ghalſa mo ríoghachdſa: dá madh
don tſáoghalſa mo ríoghachd, gan
chunntabhairt do dhéanaidís mo mhuinn-
tir cathughadh ionnus nach dtiobhar-
tháoi do na Iúduidhibh me: achd a
nois ní as ſo mo ríoghachdſa.
37 Ar a nadhbharſin a dubhairt Pio-
láid ris; Má ſeadh an Rí thú? do fhrea-
guir Ióſa; A deir tuſa gur Rí mé.
chuige ſo rugadh mé, agus is ch
tháinig mé ar a tſáoghal, ionnus go n
nuinn ſinné don fhírinne; gach
dhuine atá ar tháobh na fírinne, éiſ
ſé mo ghuthſa.
38 A dubhairt Pioláid ris; Cidh
fírinne ann? agus aga rádh ſo, do
aidh ſé amach a rís chum na N
dheadh, agus a dubhairt ſé ríu; Ní fh
ghuimſi cúis ar bith air.
39 Achd atá gnáth aguibhſi,
ſgáoilfinn duine éigin dáoibh fá Ch
ar a nadhbharſin an áill libh go ſg
linn chugaibh Rí na Niudaidheadh?
40 An ſin do thógbhadarſan uile
a rís, ag rádh; Ní hé ſo, achd Bar
bás: agus do badh biothamhnach an B
rabbás ſo.

C A I B. XIX.

Mur mbaſluigheadh, 16 chéuſadh, 28 bháſ
38 & dadhlaiceadh Críoſd ar Tighearna.

AR a nadhbharſin do ghlac Piol
Ióſa ann ſin, agus do ghabh ſé
ſgriurſaidhibh air.
2 Agus ar bhfighe coróine ſpíne d
na ſaighdiúiribh, do chuireadar ar
cheann í, agus do chuireadar brat p
pair uime.
3 Agus a dubhradar, Go mbeannuigh
Día dhuit a Rí na Niudaidheadh. Ag
do ghabhadar do bhaſaibh air.
4 Ann ſin do chúaidh Pioláid amach
a rís, agus a dubhairt ſé riu; Féuch,
atáim dhá thabhairt ſo amach chugaibh,
ionnus go mbíadh a fhios aguibh, nach
bhfaghaim cúis ar bith air.
5 Uime ſin thainig Jóſa amach, agus
coróine ſpíne air. agus an brat purpuir
uime. Agus a dubhairt [Pioláid] ríu,
Féuch an duine.
6 Ar a nadhbharſin an tan do chon-
cadar na hárdſhagairt agus a muinn
é, da thógbhadar gáir, ag rádh: Croch,
croch é. A dubhairt Pioláid ríu, Gá-
cuidh féin, agus crochuidh é: Oir
fhaghaimſi cúis air.
7 Do fhreagradar na Júduidhe é; A
dligheadh aguinne, agus do réir ar nd
ghidh as cóir dhó bás dfagháil, ar
go ndearna ſé mac Dé dhe féin.
8 Ar a nadhbharſin an tan do ch
laidh Pioláid an glòrſa, bá móide a ea
la é.
9 Agus do chuáidh ſé don chúirt a
agus a dubhairt ſé ré Hioſa; Gá
duitſi? achd ni thug Jóſa freagra a
10 Uime ſin a dubhairt Pioláid r
An né nach ttugann tú freagra oramſ
nach bhfuil a fhios agad go bhfuil c
mhachda agamſa do chrochadh, &
bhfuil cumhachda agam do ſgáoileadh
11 Do fhreaguir Jóſa; Ní bhíaidh c
mhachda ar bith agad oramſa, m
dtugtháoi dhuit ó neamh é: ar a nadh
bharſin as móide peacadh an té
thoirbhir miſi dhuit.
12 Uadh ſin ſuas bá mian lé Pi
láid

a ſgaoíleadh: achd do thógbhadar
na Iúdaidhe gáir, ag rádh; Ma léigeann
tú an fearſo as, ní cara do Shéaſar thú.
Gidh bè ní Rí dhe féin, labhruidh ſé a
n-aghaidh Shéaſair.
13 Ar a nadhbharſin an tan do chúa-
laidh Pioláid na bríathraſa, tug ſé Jóſa
amach, agus do ſhuidh ſé ſa chathaóir
bhreitheamhnuis, ſa náit dárab ainm
Litoſtrótos, agus a Neabhrais, Gabbáta.
14 Agus do bé ullmhughadh na Cáſg
é, agus a dtimcheall an ſeiſeadh huáir:
agus a dubhairt ſeiſean ris na Júdai-
ghibh; Féuchuidh bhur Rí.
15 Achd do éighmheadarſan; Beir
uáinn, beir uáinn, croch é. A dubhairt
Pioláid riu, An ccrochſa miſi bhur Rígh-
ſi? do fhreagradar na hárdſhagairt: Ní
bhfuil Rí aguinn achd Séaſar.
16 Ar a nadhbharſin tug ſé dhóibh é
ann ſin chum a chrochda. Agus do
ghlacadarſan Ióſa, agus rugadar léo é.
17 Agus ag iomchar a chroiche dhó,
do chúaidh ſé amach don áit dá ngoir-
thear Ait na cloigne; dárabh ainm a
Neabhrais, Golgota:
18 Ait ar chrochadar é, agus días
eile maille ris, duine ar gach taobh
dhe, agus Ióſa a lár.
19 Agus do ſgríobh Pioláid fós tio-
dal, agus do chuir ſé ós cionn na croi-
che é; agus as é do bhí ſgríobhtha ann.
IOSA NASARDHA RI NA NIUDAI-
DHEADH.
20 Uime ſin do léughadar mórán
do na Iúduidhibh an tiodal ſo: do
bhrígh go raibh a nait ann ar crochadh
Ióſa go gar don chathruigh: agus do
bhí ſé ſgríobhtha a Neabhrais, a Ngréi-
giſ, agus a Laidin.
21 Ar a nadhbharſin a dubhradar árd-
ſhagairt na Níudaidheadh ré Pioláid;
Ná ſgríobh, Rí na Niudúidheadh: achd
go ndubhairt ſé féin, As miſi Rí na Níu-
daidheadh.
22 Do fhreaguir Pioláid, Gidh bé ní
do ſgríobh mé, do ſgriobh mé é.
23 Na dhiáigh ſin a núair do chrocha-
dar na ſaighdúiri Ióſa, do ghlacadar
a éadaighe (agus do rinneadar ceithre
rannta, cuid do gach ſaighdiúir) agus
a chóta. Agus do bhí an cóta gan
fhuáighéul ann, ar na fhighe ſíos air
fad.
24 Ar a nadhbharſin a dubhradar
ré chéile; Ná gearram é, achd cuiream
crannchar cía agá mbía ſé. Ionnus go
gcoimhlíonfuidhe an ſgríobtúir, a du-
bhairt; Do roinneadar méadaighe eator-
ra, agus do theilgeadar crannchar air
mo chóta. Agus do rinneadar na ſaigh-
diúiri na neitheſi.
25 Agus do bhí a mhathair na ſea-
ſamh a naice chroiche Ióſa, agus deirbh-
ſiur a mhathar, Muire [bean] Chleo-
phas, agus Muire Mhagdalén.
26 Agus an tan do chunnairc Ióſa
a mhathair, agus an deiſciobal dob ion-
mhuin leis na ſheaſamh a láthair, a du-
bhairt ſé ré na mhàthair; A bhean, Féuch
do mhac.
27 Na dhiaigh ſin a dubhairt ſé ris
an deiſciobal; Féuch do mháthair. Agus
úadh ſin ſúas, rug an deiſciobal chui-
ge féin dá thigh í.
28 Tar a éiſi ſin ar na aithne Dío-
ſa go raibh gach uile ní ar na chríoch-
nughadh, ionnus go gcoimhlíonfuidhe an
ſgríobtúir, a dubhairt ſé; Atá tart oram.
29 Agus do bhí ſoitheach ann lán do
bhinégre. Agus ar líonadh ſpuinc don
bhinéigre dhóibh, & ar na chur a dtim-
cheall Iſoip, do ſhíneadar chum a
bheóil í.
30 Ann ſin ar ngabháil an bhinégre
Dioſa, a dubhairt ſé; Atá ſé ar na
chríochnughadh: agus ar gclaonadh a
chinn, do thoirbhir ſé a ſpiorad.
31 Ann ſin na Iúdaighe, do bhrígh
go raibh lá a nullmhuighe ann, ionnus
nach bhfanfaidís na cuirp ann ſa chroich
ſa tſábbaid, (óir ba mór an lá ſin na ſá-
bóide) díarradar ar Phioláid a luirgne
bhriſeadh, agus a dtabhairt a núas.
32 Uime ſin tangadar na ſaighdiúiri:
agus do bhriſeadar luirgne an chéad
duine, agus an dara duine, do crochadh
a bhfochuir Ióſa.
33 Achd an tan thangadar chum Ióſa,
agus do chunncadar go raibh ſé cheana
marbh, níor bhriſeadar a luirgne:
34 Achd do tholl áon do na ſaidiúi-
ribh a tháobh lé gath, agus ar an mball
tháinig fuil agus uiſge as.
35 Agus an té do chunnairc [ſin,]
do rinne ſé fíadhnuiſi, agus as fírin-
neach a fhiadhnuiſi: agus atá a fhios
aige go nabair ſé a nfírinne, ionnus go
gcreidfeadh ſibhſi.
36 Oir do rinneadh na neitheſi, ionnus
go gcoimhlionfuidhe an ſgríobtúir: Ní
briſfidhear cnáimh dhe.
37 Agus a rís a deir ſgríobtuir éile
Do chífid ſíad an té do tholladar.
38 Agus tar éis ſo, díarr Ióſeph ó
Arimatéa (noch do bhí na dheiſciobal
ag Ióſa, achd go foluigheach ar eagla
na Niuduidheadh) air Phioláid, go
mbéuradh ſé corp Ióſa leis: agus
tug Pioláid an cead ſin dó. Táinig
ſeiſean ann ſin agus rug ſé leis corp
Ióſa.
39 Agus mar an gcéudna tháinig
Nicodémus (noch tháinic air tús chum
Ióſa ſa noidhche) agus tug ſé leis a
dtimcheall chéud punnta do Mhiorr
agus Alóes ar na gcumaſg thrí na
chéile.
40 Ann ſin do thógbhadarſan corp
Ióſa, agus do cheangladar a línéadach é
maille ré ſpíoſraidhibh deaghbhaluidh,
mar as gnáth leis na Iúdaidhibh adhla-
cadh do dhéunamh.
41 Agus do bhí gárrdhá ann ſa
náit

nuilt ann ar crochadh é, & do bhí túama
núa ann sa gharrdha ann nar cuireadh
duine ríamh.
42 Ar a nadhbharsin tré ullmhughadh
[Cáisg] na Níuduidheadh, do bhrígh go
raibh an túama sin a ngar dhóibh, do
chuireadar Jósa ann.

C A I B. XX.

Mar ata Eiseirghe Chriosd ar na dheanamh,
24 & ar na dhearbhadh.

AGus an céd lá don tseachdmhuin
tháinig Muire Mhagdalén ar mai-
din ann sa dorchadas chum an túama,
agus do chunnairc sí an leac ar na tóg-
bháil ón túama.
2 Uime sin do rioth sí, agus tháinig
sí mar a raibh Síomón Peadar, & an
deisciobal eile, noch dob ionmhuin lé
Hiosa, agus a dubhairt sí ríu; Rugadar
an Tighearna léo as an dtuama, agus
ní bhfuil a fhios aguinn gá háit ar chui-
readar é.
3 Ar a nadhbharsin do chuáidh Pea-
dar agus an deisciobal eile sin amach, &
tangadar chum an túama.
4 Agus do ritheadar aráon a néin-
fheachd; achd bá lúaithe do rioth an
deisciobal eile ná Peadar, agus tháinig sé
ár tús chum an túama.
5 Agus ar gcromadh a sdeach dhó,
do chunnairc sé an línéadach na luidhe:
gidheadh ní dheachuidh sé a steach.
6 Ann sin tháinig Símón Peadar na
dhiáighsean, & do chuáidh sé a sdeach sa
túama, agus do chúnnairc sé an línéu-
dach na luidhe:
7 Agus an náipcin do bhí má cheann,
ní a bhfochair an línéadaigh, achd air
leith, ar na fhilleadh air a chéile a náon
áit amháin.
8 Ann sin do chuáidh an deisciobal
eile a sdeach mar an gcéudna, noch thái-
nig ar tús chum an túama, agus do
chunnairc sé [sin,] agus do chreid sé.
9 Oír ní raibh fios an sgriobtúra fós
aca; Gur bhéigin eision deiséirghe ó
mharbhaibh.
10 Ar a nadhbharsin dfilleadar na
deisciobáil dá nárus féin.
11 Achd do sheas Muire ag an túa-
ma amuigh, a gul. Agus ag gul di, do
chrom sí a sdeach ann sa túama.
12 Agus do chunnairc sí dhá aingeal
na suidhe a gculaidhibh glégheala, fear
agá cheann, agus fear agá chosaibh, sa
náit iona raibh corp Jósa curtha:
13 Agus a dubhradar ría; A bhean
créud fá nguileann tú? a dubhairt sise
ríu; Do bhrígh go rugadar mo Thighear-
na léo, agus nach fios damh cá háit ann
ar chuireadar é.
14 Agus an tan a dubhairt sí so,
dfill sí ar a háis, agus do chunnairc
sí Jósa na sheasamh, agus níor aithin
sí gur bé Jósa é.
15 A dubhairt Jósa ría; A bhean,
créud fá a nguileann tú? cía atá tú
iarraigh? ar na shaoilsin dise gur ab
é an gárghadóir do bhí ann, a dubh-
sí ris: A Thighearna, má rug tusa lea-
é, innis damhsa gá háit ann ar chui-
é, agus béuruidh misi leam é.
16 A dubhairt Jósa ría; a Mhuire.
niompódh dhise a dubhairt sí ris, R-
bóni, (ionann ré a rádh agus, a M-
ghisdir.)
17 A dubhairt Jósa ría; Na b-
rium: óir ní dheachaidh mé fós
chum Mathar: achd imthigh r-
chum mo dhearbhraithreach, agus
ríu, Go bhfuilim ag dul súas chum
thar féin, & chum bhur Nathar-sa,
mo Dhé féin, agus bhur Ndía-sa.
18 Táinig Muire Mhagdalén
nisin do na deiscioblaibh, go bhfa-
sí an Tighearna, agus go ndubh-
sé na neithese ría.
19 Agus ar dteachd an tráth nóna
lá sin féin, an céud lá don tseachdm-
agus ar mbeith do na dóirrsibh d-
mar a rabhadar na deisciobáil c-
deagla na Níuduigheadh, tháinig
agus do sheas sé na lár, & a dubh-
ríu; Síothcháin maille ribh.
20 Agus ar na rádh so dhó, do
béin sé a lámha agus a tháobh dh-
Uime sin do blú gáirdeachus a-
deiscioblaibh an tan do chunncad-
Tighearna.
21 Ar a nadhbharsin a dubhairt
ríu a rís; Síothcháin maille ribh:
do chuir an Tathair misi úadh,
rimsi sibhse uáim mar an gcéud-
22 Agus an tan a dubhairt sé so,
shéid sé orrtha, agus a dubhairt sé r-
Gabhuidh an Spiorad náomh.
23 Gidh bé dhá maithfidh sibh
bpeacaidh, atáid síad maithfeach a-
agus gidh bé peacaidh choingéubh-
atáid síad congbhaithe.
24 Achd ní raibh Tomás, ré a r-
Didimus, áon don dá fhear dhé-
bhfochair, a nuáir tháinig Jósa.
25 Ar a nadhbharsin a dubh-
na deisciobail eile ris, Do chunncam-
an Tighearna. Agus a dubhairt sé
ríu; Muna bhfaice misi lorg na d-
geadh ann a lámhuibh, & muna g-
mé mo mhéur a náit na dtairngeadh,
muna ccuire mé mo lámh ann a th-
ní chreidfe mé.
26 Agus a gcionn ochd lá na dhi-
sin, do bhádar a dheisciobail a s-
stigh, agus Tomás na bhfochair. T-
Iósa ar mbeith do na doirsibh d-
agus do sheas sé ann a lár, & a d-
bairt sé; Síothcháin maille ribh.
27 Na dhiáigh sin a dubhairt sé
Tomás; Cuir do mhéur ann so,
féuch mo lámha, agus tabhair do l-
leachd agus cuir ann mo tháobh í,
na bí míchreidmheach, achd c-
mheach.
28 Agus do fhreagair Tomás a-
dubhairt sé ris; Mo Thighearna,
mo Dhía.

29 A dubhairt Iósa ris; Ar son go fhacaidh tú mé a Thomáis do chreid tú: as beannaighthe na dáoine nach bhfacaidh, agus do chreid.
30 Agus do rinne Iósa mórán do mhiorbhuilibh eile a bhfiadhnuisi a dheisciobal féin, nach bhfuil sgríobhtha sa leabhar so.
31 Achd atáid so sgríobhtha, ionnus go gcreidfeadh sibh, gur ab é Iósa Críosd Mac Dé, agus ionnus ar gcreideadh dhaoibh, go bhfuigheadh sibh beatha tré na ainmsion.

CAIB. XXI.

Iósa dhúthrachtach Iósa do Pheadair, 15 ... a thréud a bheathughadh, 22 ... ceisd... neamh-tharbhach, uallach do fheachna.

NA dhiaigh so do thaisbén Iósa é féin arís dá dheisciobluibh, ag fairge Tibérias. Agus as mur so do thaisbéin sé [é féin.]
2 Do bhí Siomòn Peadar, agus Tomás da ngoirthear Didimus, agus Nathanael ó Chána ná Galilé, agus clann Shebedei, agus dias eile dhá dheisciobluibh, a bhfochair a chéile.
3 A dubhairt Símón Peadar ríu; Atáim ag dul diasgaireachd. A dubhradar ris; Rachmáoidne leachd mar an gcéudna. Do imthigheadar rompa, agus do chuadar ar a mball a luing: & níor ghabhadar ní ar bith a noidhche sin.
4 Agus a núair tháinig an mhaidin, do sheas Iósa ar an dtráigh: gidheadh níor aithnigheadar na deisciobail gurab é Iósa do bhí ann.
5 Ar a nadhbharsin a dubhairt Iósa riu: A chlann, an bhfuil biadh ar bith agaibh? do fhreagradarsan é: Ni bhfuil.
6 Agus a dubhairt seision ríu; Teilgidh bhur lion ar an dtáoibh ndeas don luing, agus do ghéubhtháoi. Uime sin do theilgeadar amach [a lion] & níor fhéadsadar léo ar ghléus ar bith a tharruing í leach lé híomad éisg.
7 Ar a nadhbharsin an deisciobal do bionmhuin lé Hiosa, a dubhairt sé ré Peadar: A sé an Tighearna atá ann. Uime sin an tan do chúalaidh Siomón Peadar gurab é an Tighearna do bhí ann, do chuir sé éudach uime, (óir do bhí sé nochduighthe) agus do theilg sé é féin sa bhfairge.
8 Agus tangadar an chuid eile do na deisciobluibh a luing, (óir níor bhfada ó thír do bhádar, achd a dtimchioll dhá chéud bánnlamh) ag tarruing an lín éisg.
9 Agus mar thangadar a dtír, do chonnadar gríosach, agas iasg ar na chur uirrthe, agus arán.
10 A dubhairt Iósa riu; Tabhraidh cuid don iasg do gabhabhair a nois.
11 Do chuáidh Siomón Peadar súas, agus do tharruing sé an lion a dtír, lán déisg mhora, céud trí héisg dhéug ar dhá fhichiod: agus gé do bhí a noiread sin ann, níor briseadh an lion.
12 A dubhairt Iósa ríu, Taguidh, ithidh bhur ndinéur. Agus níor lamh áon do'na deisciobluibh a fhiafruighe dhe, Cía thusa? do bhrígh gur aithnigheadar gurab é an Tighearna é.
13 Uime sin tháinig Iósa, & do ghlac sé arán, agus tug sé dhóibhsean é, agus iasg mar an gcéudna.
14 A sé so a nois an treas uáir do thaisbén Iósa é féin dá dheisciobluibh, tar éis a éiséirghe ó mharbhuibh.
15 Ann sin ar níthe a ndinéir dhóibh, a dubhairt Iósa ré Siomon Peadar; A Shimóin [mhic] Jóna, a nannsa leachd misi, iná léo so? A dubhairt seision ris; a seadh a Thighearna, atá a fhios agadsa gur ab ionmhuin liom thú. A dubhairt seision ris, Beathuidh mo uáin.
16 A dubhairt Iósa ris a rís an dara huáir; A Shiomóin [mhic] Jóna a nionmhuin leachd misi? a dubhairt seision ris: Seadh a Thighearna, atá a fhios agadsa gur ab ionmhuin liom thú. A dubhairt Iósa ris: Beathuidh mo cháoirigh.
17 A dubhairt sé ris an treas uáir: A Shiomóin [mhic] Jóna, a nionmhuin leachd misi? do ghabh doilgheas Peadar, do bhrígh go ndubhairt sé ris an treas uáir, A nionmhuin leachd misi? agus a dubhairt sé ris: A Thighearna, atá fios na nuile neithe agadsa: atá a fhios agad gur ab ionmhuin leam thú. A dubhairt Iósa ris, Beathuidh mo cháoirigh.
18 Go deimhin, deimhin, a deirim riot, an tan do bhí tú ní as òige, do churthá féin do chrios thort, agus do shiubhaltá mar a dtogarthá féin: achd an tan bhías tú arrsuidh, sinse tú do lámha amach, agus cuirfe duine eile do chrios thort, agus tréorochaidh se thú, a náit nach áill leachd.
19 Agus a dubhairt sé so, dhá fhoillsiughadh créd i an ghné bháis ré a dtiobhradh se glóir do Dhía. Agus ar na rádh so dhó, a dubhairt sé ris: Lean misi.
20 Agus ar bhfilleadh do Pheadar air ais, do chunnairc sé an deisciobal do bionmhuin lé Hiosa dhá leanmhuin, an té do luigh a nuchd Iósa ar a shuipér, agus a dubhairt; A Thighearna, cia bhraithfeas tú?
21 Ar a nadhbharsin an tan do chunnairc Peadar eision, a dubhairt sé ré Hiosa: A Thighearna, [cred dhéanas] an fear so?
22 A dubhairt Iósa ris; Má sí mo thoilse eision dfanmhuin go dtiuca mé, créud é sin duitse? leansa misi.
23 Uime sin do chuáidh an rádh so amach a measg na ndearbhráithreach, nach bhfuigheadh an deisciobal sin bás: gidheadh ní dubhairt Iósa ris, Ni bhfuighe sé bás: achd Má sí mo thoilse eision dfanmhuin go ttiuca mé, Cred é sin duitse?
24 A sé an deisciobal so, do ni

finné do na neithibhse, agus do sgriobh
na neithese: agus atá a fhios aguinn
gur fíor a fhíadhnuisi.
25 Agus atáid móran do neithibh eile
noch do rinne Iósa, agus dá mbe...
dís sgriobhtha uile, ni mheasim
ngeubhadh an domhan féin a sgri...
tháoi do leabhruibh. Amén.

GNIOMHARTHA NA NEASBAL,

CAIB. I.

Tógbhala Iosa go flaitheas; 14 crábhadh na Neasbal; 24 & togha Mhatthias a nionad Judais.

DO rinne mé an céudleabhar, a
Theóphilus, a dtimcheall gach
uile neithe do thionnsgain Iósa
do dhéanamh, & do theagasg.
2 Go soithe an lá iona
rugadh suás é, ar dtabhairt aitheantadh
do na heasbaluibh, noch do thogh sé,
trés an Spiorad náomh.
3 Agus dár thaisbén sé é féin béo
a ndiáigh a pháisi, maille lé mórán
do chomharthaidhibh fírinneacha, ar
feadh dhá fhichead lá dá fhoillsiughadh
féin dóibh, agus ag teachd ar na neithibh
do bhean ré ríoghachd Dé.
4 Agus ar mbeith a bhfochair a dheisciobal,
do aithin sé dhiobh gan dul as
Iarusalém, achd fuireach ré gealladh a Nathar,
noch [ar sé] do chualabhair uáimsi.
5 Oír do bhaisd Eóin go deimhin lé
huisge, achd baisdfidhthear sibhse leis
an Spiorad náomh táobh a sdigh don
bheagan laitheadhsa.
6 Ar a nadhbharsin ar gcruinniughadh
a cceann a chéile dhóibh, dfiafruigheadar
dhe ag rádh; A Thighearna, an
ann sa naimsirsi dhéanas tu an ríoghachd
aisioc Dioisrael?
7 Achd a dubhairt seisean riú: Ni
bhéanann ribhsi na haimsearacha náid
na seasuir daithne, noch do chuir an
Tathair ann a chumhachduibh féin.
8 Achd geúbthaoi subhailcighe chugaibh
ón Spiorud náomh, thuirrleongas oruibh,
agus beithí bhar bhfiadhnuisibh dhamhsa
a Niarusalém, & a tTir Judaighe uile,
agus a Samária, agus go soithe leithimeal
na talmhan.
9 Agus an tan a dubhairt sé na neithesi,
do togbhadh suás é, agus iadsan
dá fhéachain; agus rug neull as a
namharc é.
10 Agus an feadh do bhádar ag féachuin
go gér air neamh, & eisean ag imtheachd;
féuch, do sheasadar dís fear a
néadach geal láimh riu;
11 Noch a dubhairt fós, A dháoine ón
Ghalilé, créd fá seasthaoi ag féachuin air
neamh? an Tíosaso atá ar na thogbháil
uáibh air neamh, is amhluidh thiocfas
sé, mar do chunncabhair é ag imtheachd
air neamh.
12 Ann sin dfilleadar go Hiarusalém
ón tsliabh ré a nabarthar [sliabh] na
noluidheadh, noch atá láimh lé Hiarusalém
asdar sabboide,
13 Agus ar ttiniththeachd a steach,
chuadar suas a seomra uachdarach,
ar fhan Peadar, agus Séumus,
Eóin, agus Andrias, Philip agus
más, Bartoloméus, agus Matha,
mus [mhac] Alphei, agus Siomon
lótes, agus Judás [dearbhrathair
Shéumuis.
14 Do chomhnuigheadar so uile lé
toil amháin a núrnuighe, & a
maille ris na mnáibh, agus lé Muire
thair Iósa, & lé na bhráithreach
15 Agus ann sna láethibhsin
neirghe do Pheadar a lár nan deisc...
a dubhairt sé; (agus do bhí a
anmann do bhí ar an láthairsin a
cheall chéd agus fiche.)
16 A dháoine agus a bhráithre
dob éigin an sgrioptúirso a choim...
nadh, noch do réamhrádh an Spiorad
náomh tré bhéul Dhaibhi, a dtimcheall
Iúdáis, noch do bhí na éoluighe ag
muintir do ghabh Iósa:
17 Oír do bhí sé ar na chomháireamh
ar meaśgne, agus fúair sé cuid don
niosdralachdso.
18 Uime sin do sholáthair an fear
fearann ré lúach éagcora; agus ar
tim dhó a ndiáigh a chinn, do bhris
ann a lár, agus do sginneadar a
uile amach.
19 Agus fúaradar aitreabhuigh Ieru...
salém uile a fhios so, a gcruth go
thear don fhearannsin an a dteang...
fion; Aceldáma, eadhon, Fearan na
20 Oír atá sgríobhtha a leabhar
Salm; Go raibh a áit chomhnuidhe
fhasach, agus ná háitreabhadh duine
bith innte. Agus glacadh neach eile
easbagóidheachd.
21 Ar a nadhbharsin is éigin
don mhuinntirsi do bhí ma ráon rinn
feadh na haimsire uile ann a ndeachaidh
an Tighearna Iósa a sdeach agus amach
eadruinn,
22 (Ag tosughadh ó bhaisdeadh
go soithe an lá ann a rugadh suas
é,) go mbiadh sé ar bhfochairne,
fhiadhnuisi ar eiséirghesean.
23 Agus dórduigheadar diás, Ióseph
dá ngoirthi Barsabas, dar comh...
Justus, agus Matthias.
24 Agus ag déanamh urnuighe
a dubhradar; As tusa a Thighearna
aithnidheas croidhthe na nuile dhaoine
foillsigh cia don diasa do thogh tú,
25 Do ghlacadh ionaid na ministr...
lachda so agus na habsdaltachdasa,
ndeachaidh

[illegible]chuidh Iúdas ar seachrán, ionnus go
[illegible]dh sé dhá ionad féin.
26 Ann sin do theilgeadar a ccrann-
[illegible], agus do thuit an crannchar ar
[illegible]tthías, agus do toghadh é go
[illegible]ntadhach a bhfochair a neineasbal
[illegible].

CAIB. II.

[illegible] na Cingcise, tainic an Spiorad naomh a [illegible] teangtha sgoiltighe, ar na Heasbalaibh.

AGus an tan tháinig lá na Cing-
císe do bhádar uile dáontoil ar
[illegible]bhall.
2 Agus tháinig torann ó neamh go
[illegible],mar do thiocfadh séideadh ghaoi-
[illegible] ro aintréun, & do lion sé an tigh
[illegible] mar a rabhadarsan na suidhe.
3 Agus do taisbéanadh dhóibh teangtha
[illegible]ighe mar theine, noch do shuidh
[illegible] gach áon diébh.
4 Agus do bhádar uile ar na lionadh
[illegible] Spiorad naomh, & do thosuígheadar
[illegible]bhairt lé teangthuibh eile, do réir mar
[illegible] an Spiorad labhairt dhóibh.
5 Agus do bhádar na gcomhnuidh a
[illegible]salém, Júduidhe, daoine díadha do
[illegible] uile chinéul dá bhfuil faoi neamh.
6 Agus ar ndul don tásgso amach, do
[illegible]igh an coimhthionól, agus do
[illegible] buáidheartha, do bhrígh go
[illegible]dh gach áon aca iádsan ag la-
[illegible] ann a dteanguidh féin.
7 Agus do ghabh úathbhás, agus
[illegible] iád uile, ag rádh ré céile;
[illegible], a né nach Gaililéeanuigh iadso
[illegible] labhras?
8 Agus cionnas do chluinn sinne gach
[illegible] aguinn a theanguidh féin an a
[illegible]dh sinn?
9 Parti, agus Médi, agus Ela-
[illegible], agus na dáoine áitigheas a Me-
[illegible]tamia, agus a Niudéa, agus a
[illegible]padócia, a Bpontus, agus ann sa
[illegible].
10 A Bhphrígia, agus a Bpamphí-
[illegible], ann sa Négipt, agus a ranntuibh
[illegible] timcheall Chiréne, agus coigcriócha
[illegible] Rómha, agus Iúduidhe, agus
[illegible].
11 Luchd Chréta agus Arábia, do
[illegible] iád ag labhairt ann an dtean-
[illegible] féin oibreacha mórdhálacha De.
12 Agus do ghabh úathbhás agus
[illegible] iad uile, ag rádh gach fear ré a
[illegible]; Créd is ciáll dó so?
13 Agus a dubhradar dáoine eile
[illegible]omhad; Is lán dfión mhilis atáid
[illegible] so.
14 Achd ar seasamh do Pheadar a
[illegible]chair a naóin [easbuil] dég, dárdaigh
[illegible], agus do labhair sé ríu; A
[illegible] Iúdaidhe, & a luchd áitighe Ia-
[illegible] uile, biodh a dheimhin so agaibh,
[illegible] rém bhriathruibh.
15 Oír ní bhfuilid siad so air misge
[illegible]; an tan nach bhfuil sé
[illegible] treas úair don lá;
16 Achd a sé so an ní a dubhradh tré
[illegible]uidh Ióel,

17 Agus tiocfuigh chum críche ann
sna laéthibh déigheanacha (a deir Día,)
dóirtfidh mé dom Spiorad féin air gach
uile fheóil: agus do dhéunuid bhur mic,
agus bhur ningheana fáidheadóireachd,
& do chífid bhur nógánaigh taisbéunta,
agus bhur seandáoine aislingthe.
18 Agus fós dóirtfidh mé dom
Spiorad féin ar mo shearbhfhoghan-
tuidhibh agus air mo bhanóglachuibh
ann sna laéthibhsin, agus do dhéanuid
fáidheadoireachd.
19 Agus foillseochuidh mé iongantuis
ar neamh shúas, agus comharthaidhe ar
an dtalámh shíos, fuil, agus teine, agus
gal deatuighe.
20 Iompóchar an ghrían a ndor-
chadas, agus an ghealach a bhfuil, suil
thiocfas an lá mór oirdheirc sin an Ti-
ghearna.
21 Agus tiocfuidh chum críche,
gidh bé ghuidhfeas ainm an Tighearna,
sláineóchthar é.
22 Eisdigh na bríathrasa a chlann Is-
rael; Iósa Nasárrdhá, duine dearbhtha ó
Dhía eadruibhsi maille lé cumhachduibh
agus lé míorbhailibh, agus le comhar-
thaidhibh noch do rinne Día thrídsean
eadruibhse mar is aithne dhibh féin.
23 An fearso, ar mbeith ar na
thoirbhirt tré chomhairle chinte, & tré
réimhfhéachuin Dé, do ghabh sibhse, agus
ar na chéasadh lé lámhaibh drochdhaoi-
ne, do mharbhabhair é:
24 Noch do thóg Día súas íar sgáoi-
leadh dhoilghis an bháis, ar a nadhbhar
nar bhéidir don bhás a chungbháil.
25 Oír a deir Daibhi na thimcheallsan,
Do chunnairc mé an Tighearna am fhíadh-
nuisi do ghnáth: óir atá sé ar mo láimh
dheis, ionnus nach corróchthaoi mé:
26 Ar a shon so do bhí mo chroidhe
go subhach, agus do rinne mo theanga
lúathgháire: agus na cheann sin suáimh-
neóchuidh mfeoil a ndóchas:
27 Ar a nadhbhar nach bhfúigfe tú
manam a nifearn, & ní fhuileónga tú do
náomh féin truáillidheachd dfaicsin.
28 Dfoillsigh tú dhamhsa slighthe na
beatha, líonfuidh tú mé do ghairdeachus
léd ghnúis féin.
29 A fheara agus a bhraithreacha, is
éidir leamsa labhairt go dána ribh a
dtimcheall an Phatriárca Daibhí, go
bhfuil sé tair éis bháis, agus ar na adh-
lacadh, agus atá a thúama eadruinne
gus an lá a niu.
30 Ar a nadhbharsin ar mbeith na
fháidh dhó, agus a fhios aige go dtug
Día móid dhó maille lé mionnuibh, go
dtóigfeadh sé Críosd súas do shíol a
leasruighsion do réir na feóla, agus
go ccuirfeadh sé na shuidhe ann a
chathaoirsean é:
31 Ar na réumhfhaicsin dó, do labhair
sé a dtimcheall eiséirghe Chríosd, nach
bhfúighfithi a anam a nifearn, agus nach
bhfaicfeadh a cholann truáillidheachd.

32 Do thóg Día an Tíosaso súas agus
atámáoidne uile ar bhfiadhnuisibh air.
33 Ar a nadhbharsin ar na bhreith
súas lé láimh dheis Dé, agus ar bhfa-
gháil an Spioraid náoimh do réir gheal-
lamhna a nathar, do dhóirt sé amach an
nísi do chíthísi a nois, agus do chluin-
tí.
34 Oir ní dheachuidh Dáibhi súas air
neamh: gidheadh a deir sé: A dubhairt
an Tighearna rém Thighearnasa, Suidh
ar mo láimh dheis,
35 Nó go gcuire mé do námhaid na
sdól fad chosuibh.
36 Uime sin biodh a fhios go dearbh-
tha ag tigh Israél uile, go ndearnuidh
Día, Tighearna agus Críosd do Niosasa
do chrochabhairsi.
37 Agus ar na chloinsin so dhóibh,
do goineadh ann a gcroidhe íad, agus
a dubhradar ré Peadar agus ris an
gcuid eile do na heasbaluibh; A fheara,
agus a bhráithreacha, Créud do dhéu-
nam?
38 Agus do fhreagair Peadar íad;
Déanuidh aithrighe, agus baisdear gach
áonduine agaibh a nainm Iósa Críosd,
chum maitheamhnuis na bpeacadh, agus
géubhtháoi chugaibh tiodhlacadh a Spio-
ruid naoimh.
39 Oir is dáoibhsi do rinneadh an
gealladh, agus dá bhar gcloinn, agus dá
gach nduine a ccian, eadhon gach áon
ghoirfeas ar Dtighearna Día.
40 Agus do ghuidh sé, agus do thea-
guisg sé [iad] ré morán eile do bhriath-
ruibh, ag rádh: Coimhéaduidh sibh féin
ón drochgheinealachsa.
41 Ann sin na dáoine do ghabh chu-
ca a bhríathra go toileamhail, do baist-
deadh iad: Agus do cuireadh léo an
lásin a dtimcheall thrí míle anam.
42 Agus do chomhnuidheadar a dtea-
gasg na neasbal, agus ann a ccumann, a
mbriseadh aráin, agus a nurnuighibh.
43 Agus do ghabh eagla gach uile
anam: agus do rinneadh mórán do
mhíorbhuilibh agus do chomharthuibh
leis na heasbaluibh.
44 Agus na huile dháoine do chreid, do
bhádar a bhfochair a chéile, agus do
bhádar na huile neithe coitcheann aca:
45 Agus do reacadar a bhfineachas
agus a máoin, agus do roinneadar iad
ar gach áon fá leith do réir a ríachda-
nuis.
46 Agus ag fanmhuin gach láoi déan-
toll ann sa teampoll, agus ag briseadh
aráin ó thigh go tigh, do chaithdís biadh
maille lé gáirdeachas, agus lé simpli-
dheachd chroidhe:
47 Ag moladh Dé, agus ag fagháil
ceana ón phobal uile: agus do chuir
an Tighearna leis a neagluis gach láoi,
an dream do sláinéochtháoi.

C A I B. III.

Do leighis Peadar an bacach, 19 & brosduigh sé filleadh on olc go creidimh Chríosd an Tslánaighteoir.

AGus do cháaidh Peadar agus Eóin
a néaineachd súas don teampoll,
nam urrnuighe, a dtimcheall a na-
mhadh huáir.
2 Agus do hiomchradh duine éigin
do bhí na mhairtíneach ó bhruinn a
mhathar: noch do chuirdís gach láoi ag
dorus an teampuill, ré a ráitear Bre-
gha, diarruidh déirce ar a ndruing do
théigheadh a sdeach don teampoll.
3 An tan do chunnairc an sear
Peadar agus Eóin ar tí dul a steach don
teampoll, diarr sé déirc.
4 Agus ar bhféuchain go géar do
Pheadar air maille lé Heóin, a dubhairt
sé: Féuch oruinne.
5 Agus tug seision aire dhóibh, a ag
chus neithe éigin dfághail úatha.
6 Achd a dubhairt Peadar: Ní bhfuil
airgead na ór agamsa: achd an ní atá
agam do bheirim dhuitse é; A nainm
Iósa Críosd Nasárrdha, éirigh, agus
siubhail.
7 Agus ar mbreith air a láimh dheis
dó, do thóg sé súas é: Agus ar an
do neartuigheadh mudharnaigh agus
bonnaidhe a chos.
8 Agus do léim sé súas, do sheas, &
do shiubhail sé: agus do chuaidh sé
ríu a steach don teampoll, ag siubhal,
agus ag léimnidh, agus ag moladh Dé.
9 Agus do chunnairc an pobal uile é
ag siubhal, agus ag moladh Dé.
10 Agus daithneadar é, gur ab é do
bhíodh ag iarruidh déirce na shuidhe ag
geata bréagh an teampuill: agus do lí-
nadh íad diongantas, agus dúathbhás,
a ní sin tharla dhó.
11 Agus ag cungmháil Pheadair agus
Eóin don mhairtíneach úd do slána-
ghadh, do rioth an pobal uile chuca a
iongantus, don phóirse dá ngoirthear
[póirse] Sholaimh.
12 Agus ar na fhaicsin sin do Phea-
dar, do fhreagair sé don phobal: A
fheara Israel, créd fá bhfuil iongnadh
aguibh ann so? nó créd fá bhfuil
sirfhéachuin oruinne, amhuil as gur
ar gcumhachdaibh féin nó tré ar
thachd do thugamar air an bhfear
siubhal.
13 Día Abrahám, agus Isáac, agus
Iácob, Día ar naithreachne, do ghlóir-
ghe sé a mhac féin Iósa, noch do bhra-
theabhairse, agus do shéunabhair
bhfíadhnuisi Phíolaid, an tan rug sé
do bhreith a sgáoileadh.
14 Achd do shéunabhairse an
náomhtha fíreanta, & diarrabhair
dúnmharbhtha do thiodhlacadh dhuibh.
15 Achd do mharbhabhair úghdar na
beatha, noch do dhúisigh Día ó mhar-
bhaibh, agá bhfuilmídne ar bhfiadh-
nuisibh.
16 Agus tré chreideamh anmasan,
neartaidh a ainm an fearso do chíthi
áitheantáoi: & an creideamh atá
tháobhsan, tug sé dhó so an tsláinte
lánso ann bhur lathairse uile. 17 Ag

17 Agus a nois, a dhearbhraithre, ata
a fhios agam gur tré ainbhfios do rin-
...bhair [na neithe so,] agus bhur
...chdaráin mar an gceadna.
18 Achd is mar so do choimhlíon
... na neithe do réumhshoillsigh sé trè
... a fháigheadh uile, go bhfuileón-
...dh Críosd.
19 Ar a nadhbharsin déunaidh aith-
...ighe, agus fillidh, ionnus go sgriosfuidhe
... peacaidh, a núair thiocfus aim-
... a nfúaraidh ó fhiadhnuise an Ti-
...earna,
20 Agus chuirfeas sé úadh Jósa Críosd
...ch do seanmórughadh dhíbh roimhe.
21 Dár ab éigin do neamh a ghabháil,
...teachd daimsearachaibh aiseagtha na
...neitheann, noch do labhair Día tré
... a uile fháigheadh náomhtha ó thús
... domhain.
22 Oir a dubhairt Máoise ris na hai-
...chuibh ; Toigéubhaidh bhur Dtighear-
... Día fáidh súas díbh, dá bhur ndearbh-
...reachaibh féin, mar misi: éisdfidh sibh
... huile neithibh laibheórus sé ribh.
23 Agus tiocfuidh chum críche gidh bé
... éisdfidh ris an bhfáidhsin, go
...ghthear é as an bpobal.
24 Agus dfoillsigheadar na huile fhai-
... mar an gceudna, ó Shàmuél, agus
... do lean é ó shoin, an mhéid
... labhair dhíobh, na laéthe so.
25 As sibhsi clann na bhfáigheadh, &
... tiomna do rinne Día ré ar naithrea-
...bh, ag rádh ré Hábraham ; Agus
... do shiolsa bheannóchthar cineadha-
... na talmhan uile.
26 As chuguibhse ar tús do chuir Día
a mhac féin Iósa, ar na dhúsachd [ó
...bhuibh,] dá bhur mbeannughadh,
... go bhfilleadh gach áon aguibh ó
... nolcaibh.

C A I B. IV.

*... dhán Pheadair. 23 urnuighe, 32 ...
... na Gcreidmbeach.*

Agus an feadh do bhádar ag labhairt
ris an bpobal, tangadar na sagairt,
agus uachdarán an teampoill, agus na
... ortha :
2 Ag doilgheas go rabhadarsan ag tea-
... an phobail, agus ag seanmórugh-
... a Nìosa éiséirghe ó mharbhuibh.
3 Agus do chuireadar lámha ionnta,
... do chuireadar a bpríosún iad, go
...] ar na mhárach, óir do bhí sé
... nóin déigheanach.
4 Gidheadh morán da ccúaluidh an
...ar, do chreideadar : agus dó bhí
... na ndáoine a dtimcheall chúig mile.
5 Agus tárla ar na mhárach, gur
...idheadar a nuachdaráin, & a sinn-
... agus a sgríobuidhe a bhfochair a
... a Niarusalém:
6 Agus Annas an tárdshagurt, & Cáia-
..., & Eóin, & Ailexanndar, & gach
... do chinéul na nárdshagart.
7 Agus an tan do chuireadar a lár
..., dfiafruigheadar ; Créud é an túgh-
darrás, nó an tainm as a ndearna sibh-
se a ní so?
8 An sin ar mbeith do Pheadar ar
na líonadh don Spiorad náomh, a dubh-
airt sé ríu ; A úachdaráin an phobuil, &
a shinnseara Israél,
9 O atamáoidne a niugh air ar dtabh-
airt chum ceasda, a dtimcheall na mai-
theasa do rinneadh don duine éagrúaidh
cionnus do slánuigheadh é ;
10 Bíodh a fhios aguibhse uile, agus ag
pobal Israél uile, gur tré ainm Iósa Críosd
Nasárrdha, noch do chrochabhairse,
noch do dhúisigh Día ó mharbhuibh,
as trídsean sheasus an fearso slán an bhur
bhfiadhnuisesi.
11 A sí so an chloch úd do bhí fá
neimhchion aguibhse, a sháora ; dá ndear-
nadh ceann an chuainne.
12 Agus ní bhfuil slánughadh a neach
air bith eile. Oir ní bhfuil ainm ar bith
eile fáoi neamh ar na thabhairt do dháoi-
nibh, lér ab éidir sinne shlánughadh.
13 Agus an tan thugadar dhá naire
dánachd Pheadair, agus Eóin, agus gur
thuigeadar a mbeith na ndáoinibh gan
fhoghluim, gan éolus, do ghabh iongantus
íad, agus daithneadar go rabhadar a
bhfochair Jósa.
14 Agus ar bhfaicsin a nfir do bhí
ar na shlánughadh, na sheasamh na
bhfochair ; ni raibh éalnní aca ré
rádh na naghuidh.
15 Achd ar na fhógra dhóibh dul a-
mach as an gcomhairle, díomraidhea-
dar eatorra féin,
16 Ag rádh ; Créud do dhéunam ris
an muintirse ? óir go deimhin atá co-
mhartha foillsightheach aca ar na dhéa-
namh, agus is follus do gach áon áiti-
gheas á Niarusalém é, agus ní féidir linne
a shéuna :
17 Achd deagla leathnuighthe dhó ní
as faide a measg an phobail, toirmisgeam
íad go bagrach fá labhairt feasda fá
nainmse ré duine air bith.
18 Agus ar na ngairm dhóibh, dáith-
neadar dhíobh : gan labhairt air éanchor,
agus gan teagusg do dhéunamh a nainm
Iósa.
19 Achd ar bhfreagra do Pheadar,
agus Deóin, a dubhradar ríu ; Measuigh
féin an cóir a bhfiadhnuise Dé, sibhsi
deisdheachd ná Día.
20 Oir ní héidir linne, gan na neithe
do chúalamar, agus do chunncamar do
labhairt.
21 Agus ar ndéanamh bagair dhóibh-
sean, do léigeadar úatha íad, mar nach
bhfuaradar slighe ar bith chum pionnúis
do thabhairt dóibh, ar son an phobail :
óir tugadar uile glóir do Dhía, ar son a
neithe do rinneadh ann.
22 Oir do bhí an té air a ndearnadh
an comhartha slainte úd, ós cionn dá
fhichead bhliadhan dáois.
23 Agus ar na léigean amach, tanga-
dar chum a gcompánach, agus dfoill-

 sigheadar

figheádar gach a ndubhradar na hárdſha-
guirt agus na ſinnſir ríu.
24 Agus ar na chlos ſo dhóibhlean,
do thógbhadar ſúas a nguth déantoil chum
Dé, agus a dubhradar; A Thighearna, is
tuſa an Día do rinne neamh, agus talamh
an ſhairge, agus gach a bhfuil ionnta:
25 Noch a dubhairt ſa Spiorad náomh
ré béul Dáibhi do ſhearbhf hoghantuighe
féin; Créud fár líonadar na cineadhacha
dfeirg, agus fár ſmuáineadar na puib-
leacha neithe díomháoineacha?
26 Do ſheaſadar ríghthe na talmhan,
& do chruinnigheadar na huachdaráin a
bhfochair a chéile, a naghaidh an Tighear-
na, agus a naghaidh a Chríoſd.
27 Oir do chruinnigheadar gan chonn-
tabhairt a bhfochair a chéile ſa chath-
raighſe, Ioruaidh, agus Poinſius Piolaid,
maille ris na cineadhachuibh, agus ré
puibleachaibh Iſraél, a naghaidh do mhic
náomhtha Jóſa, noch do óng tú.
28 Do dhéanamh gach neithe dár
réumhórdaigh do lámhſa, agus do cho-
mhairle a dhéanamh.
29 Agus a nois a Thighearna, tabhair
aire dá mbagur, agus tabhair dod
ſhearbhf hoghantuidhibh féin, do bhría-
thar a labhairt, maille ré gach uile dhá-
nachd.
30 Ag ſíneadh do láimhe amach chum
leighis, & comharthadh, & míorbhui-
leadh do dhéanamh, tré ainm do mhic
náomhtha féin Jóſa.
31 Agus ar ndéunamh urnuighe dhóibh
do chríothnuighe a náit a rabhadar a
bhfochair a chéile: agus do líonadh íad
uile don Spiorad náomh, agus do labhra-
dar bríathar Dé maille ré dánachd.
32 Agus do bhí áon chroidhe agus áon
anam amháin ag an druing do chreid:
agus ní dubhairt éainneach aca, go madh
leis féin áon ní dhá raibh na ſheilbh,
achd do bhádar na huile neithe comh-
choitcheann aca.
33 Agus tugadar na habſdail maille
ré cumhachdaibh móra, fíadhnuiſe eiſéir-
ghe an Tighearna Ioſa úatha: agus do
bhádar grás móra orrtha uile.
34 Oir ní raibh éainneach eatorra ar a
raibh ríachdanus; óir an mhéid do bhí
na ſealbhaigheóiribh fearuinn, nó tighthe,
ar na réic do bheirdís a lúach leó;
35 Agus do chuirdís ag coſaibh na nab-
ſdal é: & do ruinntí é ar gach áon do
réir a ríachdanuis.
36 Agus Jóſes, dar ghoireadar na hab-
ſdail Barnabas (ſé ſin ar na eidirmhíni-
ughadh, Mac na comhf hurthachda) ar
mbeith dhó na Lebhite, [agus] do fhreimh
na Sioprus,
37 Ar mbeith go raibh fearann aige, do
reac ſé é, agus tug ſé ris an tairgead, &
do chuir ſé ag coſaibh na nabſdal é.

C A I B. V.

*Bás uathbhaſach Ananías ⁊ Shaphirah arſon
chealgoireacht. 33 ⁊ na Heaſbuil, a mbao-
gbal báis ar ſon na fírinne, do ſhaoradh
íad tre chombairle Ghamaliel.*

AGus do reac fear áirighe dar h...
Ananías, maille ré na mhnáoi ...
phira, fearann do bhí ann a ſheilbh,
2 Agus do chonnaimh aige go fo...
theach cuid dá lúach go bhfio...
mhnáoi, agus ar dtabhairt choda ...
ris, do chuir ſé ag coſaibh na ...
ſdal é.
3 Ann ſin a dubhairt Peadar, A A...
nías, créd fár líon Sátan do chroidhe ...
dhéunamh bréige reis a Spiorad náo...
& do chungbhail coda éigin do lúach ...
fhearuinn go foluightheach?
4 A né nár leachd féin é dá ...
gabhtha é, agus an é nach raibh ...
chumhachdaibh féin, íar na reic? cré...
ſmúain tú a ní ſo ád chroidhe? ...
dáoinibh do rinne tú brég, achd ré ...
5 Agus ar gcloinſin na mbría...
Dananías, do thuit ſé ſíos, & do ...
aidh a anam as: agus do bhí ...
mhór ar gach duine dhá ccúaluidh ...
neithe ſo.
6 Agus ar éirghe do na hógá...
tugadar air, agus ar na iomchor ...
dadhlacadar é.
7 Agus tárla a dtimcheall trí ...
na dhiaigh ſin, go dtáinig a bhean a ...
gan fios an neithe do rinneadh, ...
8 Agus a dubhairt Peadar ria...
damh, nar a noiread ſo do reacabh...
fearánn? agus a dubhairt ſiſe, ...
a noiread ſin.
9 Ann ſin a dubhairt Peadar ...
Créud fár chomháontuigh ſibh cath...
do chur ar Spioruid an Tighearna? ...
atáid coſa na muinntire dadhluic ...
ag an dorus, agus béuruid ſiad ...
ríu.
10 Agus ar a núairſin féin do ...
ſiſe aga choſaibh, agus do chúaid...
ſpiorad aiſde: agus ar dteachd a ...
do na hógánuibh, fúaradar marbh ...
ar na breith leó, dadhluiceadar ...
naice a fir.
11 Agus do bhí eagla mhór air a ...
luis uile, agus ar na huile dháoinibh ...
chúaladh na neithe ſo.
12 Agus do nithí mórán do chom...
thadhaibh, agus do mhíorbhalaibh, ...
lámhuibh na nabſdal, a meaſg an ...
bail, agus do bhídís uile déanto...
bpóirſe Sholaimh.
13 Achd don druing eile, níor ...
éainneach aca greamughadh leó; ...
eadh do bhí meas mór ag an phobal ...
tha.
14 Achd is móide do mhéudaigh ...
uimhir fear agus bhan do chread...
Tighearna.
15 Ionnus go niomchraidís ...
ſa na ſráidibh na daoine éugcru...
agus go gcuirdís ar leapachuibh ...
ionnus ag teachd do Pheadar go ...
feadh a ſgáile amháin ſgáile ar ...
éigin díobh.
16 Agus do thigdís morán a ...

a chéile as na caithreachaibh timcheall
go hIarusalém, ag tabhairt dháoine éag-
Slaindhe, agus buaidheartha ó spiora-
daibh neamhghlana ríu, noch do slá-
naighthi uile.
17 Achd ar néirghe súas don tárdshá-
gart, agus gach a raibh na fhochair,
(mar atá airiceachd na Saducíneach) do
líonadh do thnúdh íad.
18 Agus do chuireadar a lámha sna
habsdalaibh, agus do chuireadar sa bprío-
sún choitcheann íad.
19 Achd dfosgail aingeal an Tighear-
na sa noidhche doirse an phríosúin, agus
ag na dtreórughadh amach, a dubhairt
sé,
20 Imthighidh romhaibh, agus ar sea-
samh sa teampall dáoibh, labhruidh ris
an phobal, na huile bhríathra na bea-
tha.
21 Agus ar na chloinsin so dhóibh-
sion, do chúadar a steach don team-
pall go moch ar maidin, agus do theag-
aisgeadar. Achd ar dteachd don árd-
shagart, & don druing do bhí na fhoch-
air, do ghoireadar comhairle, & sinn-
sir chloinne Israél uile a gceann a chéile:
agus do chuireadar teachda ar a gceann-
san chum an phríosúin.
22 Agus ar dteachd do na máoruibh
ní fhúaradar iadsan sa bpríosún: agus ar
bhfilleadh dhóibh dinniseadar [sin,]
23 Ag rádh; Fúaramar go deimhin an
príosún dúnta go dúthrachdach, agus an
lucht coimhéuda na seasamh a muigh as
comhair na ndoirrseadh: achd ar nos-
gladh dhúinn, ní fhúaramar áonduine
a stigh.
24 Agus ar gclos na mbríatharsa
don árdshagart, agus duachdarán an
teampuill, agus duachdaránaibh na sa-
gart, do bhí conntabhairt aca na
dtimcheallsan, créud do thiocsadh
as so.
25 Achd ar dteachd do neach áirighe
ínnis sé dhóibh, ag rádh; Féuch, na fir
do chuireabhair a bpríosún, atáid síad
na seasamh sa teampall, agus ag teagusg
an phobail.
26 Ann sin ar nimtheachd don chaip-
tín, maille ris na máoruibh, tug sé leis
íad, gan choímhéigneadh. (Oír do bhí
eagla an phobail ortha, go ngéubhaidís do
chlochaibh orrtha.
27 Ar a nadhbharsin tar éis íad dhá
dtabhairt leó, do chuireadar a bhfíadh-
naise na comhairle íad, agus dfiafruigh
an tárdshagart díobh,
28 Ag rádh; A né nar áithneamairne
go ródhiuthcheallach dhibh, gan teagusg
do dhéunamh sa nainmse? agus féuch,
do líonabhair Jerusalem le bhur dteagusg,
agus as mían libh fuil an duinese do
tharruing oruinne.
29 Agus ar bhfreagra do Pheadar,
agus do na habsdaluibh, a dubhradar;
Ataoi is éigin umhlughadh do Dhía, ná
do dhaoinibh.

30 Do thóg Día ar naithreachne Jósa
súas, noch do mharbhabhairse é, ar na
chrochadh a gcrann.
31 Do thóg Día ré na láimh dheis
féin é so súas, na phríonnsa, agus na shlá-
naightheóir, do thabhairt aithrighe, &
maithmheachais na bpeacadh Disrael.
32 Agus atámáoidne ar bhfiadhnui-
sibh dhó, ar na neithibhse a deirmíd: &
mar an gcéudna an Spiorad náomh, noch
thug Día don druing umhlaigheas dó.
33 Agus ar gclos na neitheadhsa
dhóibhsean, do bhádar air a ngearradh,
agus do rinneadar comhairle iadsan do
mharbhadh.
34 Achd ar néirghe súas Dfairisíneach
áirighe sa gcomhairle, dár bhainm Ga-
máliel, doctúr dlighe, do bhí fá chion
ag an bpobal uile, daithin sé na hab-
sdail chur amach ar feadh tamuill.
35 Agus a dubhairt sé ríu; A fhio-
ra Israél, tabhraidh bhur naire ribh
féin, créd do dhéuntáoi a dtáobh na
muinntirese.
36 Oír roimhe a naimsirse, déirghe
Teudás súas, ag rádh, Go madh neach
éigin mór é féin, lér cheangail uibhir
dháoine, a dtimcheall cheithre gcéud:
noch do marbhadh, agus an mhéid dáon-
tuigh dhó, do spréaghadh, agus do chui-
readh a neimhbrígh íad.
37 Tar éis an fhirse, déirghe Júdás an
Galileánach súas, a laéthibh an dáoir-
chíosa, agus do tharruing sé mórán don
phobal chuige féin: agus do sgriosadh
an fearsa fos, agus do spréaghadh an
mhéid tug a náonta dhó.
38 Agus a deirim ribh a nois, Seach-
nuidh sibh féin ar an muinntirse, agus
léigidh dhóibh ıóir más ó dháoinibh thig
an chombairle, nó a nobairse, cuirfigh-
thear a neimbrígh é.
39 Achd mas ó Dhía thig sé, ní héi-
dir libh a chur a neimbrígh: air eagla go
bhfuighthí ag troid a naghaidh Dé sibh.
40 Agus do áontuigheadar dhó: &
ar ngairm na nabsdal dóibh, agus ar
ngabháil ortha, tugadar fógra dhóibh,
gan labhairt a nainm Jósa: agus do
léigeadar úatha íad.
41 Ar a nadhbharsin do imthigheadar
san go lúathgháireach as amharc na
comhairle, do bhrígh gur measadh gur
bhfiu íad easonóir dfulang ar son anma
Jósa.
42 Agus gach lá sa teampall, agus ó
thigh go tigh, níor sguireadar do bheith
ag teagasg, agus ag seanmòrughadh Jósa
Críosd.

CAIB. VI.

Seacht Deachanna ar na ndtogha, 5 dar diobh Stephanus.

AGus an sna laéthibhsin, ag méudu-
ghadh do na deisciobluibh, déi-
righ monmhur na Ngréugach a nagh-
aidh na Neabhruigheach, do bhrígh go
ttugtháoi neimhchion air a mbaintrea-
bhachuibh sa miniosdrálachd laétheamhuil.

 2 Uime

2 Uime sin ar ngairm iomuid do na
deisciobluibh a gceann a cheile don dá
fhear dhéug, a dubhradar: Ní hiom-
chubhuighe dhúinne briathar Dé dfágbháil
do chum na mbord do fhriothólamh.
3 Ar a nadhbharsin a dhearbhraithrea-
cha, féuchaidh amach bhur measg féin,
mórsheisear do dhaoinibh deaghtheasda,
lán don Spiorud náomh & deagna, noch
do chuirfeam a dtimcheall na hoibreise.
4 Agus biadhmaidne go comhnuigh-
theach a nurnuighe, agus a miniosdrálachd
na bréithre.
5 Agus dáontuigheadar an comhlúadar
uile don rádh so, agus do thoghadar
Steaphán, fear lán do chreideamh, agus
don Spiorad náomh, agus Philip, agus
Procórus, agus Nicánor, agus Timon,
agus Parménas, agus Nicolás, neach
ó Aintióchia do cheanguil é féin don
neagluis.
6 Do chuireadar íad so a bhfiadh-
nuise na nabsdal, agus ar ndéunamh ur-
nuighe dhóibhsean, do chuireadar a
lámha orrtha.
7 Agus dfás briathar Dé, agus do
mhéudaigh uibhir na ndeisciobal go ro-
mhór a Niarusalém, & dumhluidh cuid
mhór do na sagartaibh don chreideamh.
8 Achd Steaphán lán do chreideamh,
agus do chumhachdaibh, do rinne sé
miorbhuile agus comharthadha móra, a
measg an phobail.
9 Agus déirgheadar súas dream ái-
righe don tsinagóig, dar ab ainm [Sio-
nagóg] na libertinigh, agus na Ciré-
nianach, agus luchd Alexandria, agus
Cilícia, agus na Hásia, ag diosbórachd
lé Steaphán.
10 Achd níor bhféidir leó cur a
naghaidh na heagna, agus na spioraide
tré ar labhair sé.
11 An sin tugadar a steach dream ái-
righe noch a dubhairt; Do chúalamar
féin é ag labhairt bhriathra masluigh-
eacha a naghaidh Mhaoise, agus Dé.
12 Agus do bhogadar an pobal, &
na finnsir, agus na sgriobuidhe: agus ag
cur chuige rugadar air, agus tugadar
leó chum na comhairle é.
13 Agus do chuireadar amach fiadh-
nuiseadha bréugacha noch a dubhairt;
Ní sguireann an fearso dá bheith ag
labhairt bhriathra masluigheacha a na-
ghaidh na háite níomhthasa, agus an
reachda.
14 Oir do chúalamar é ag rádh, Go
sgriossaidh Iósa Nasárrdhaso a náitse, &
go niompochaidh sé na hórduighthe
tug Máoise dhúinne.
15 Agus gach a raibh na suidhe sa
ccomhairle ag féuchuinn go friochna-
mhach airsion, do chunncadar a aghaidh
mar aghaidh aingil.

CAIB. VII.

Freagra ábhiagha Steaphain, ag foillsiughadh brigh an dlighe; 59 & aris a bhás féin aindligheach.

AN sin a dubhairt an tárdshagart, A
bhfuilid na neithese mar so?
2 Agus á dubhairt seision, A bhr
threacha, agus a aithreacha, éist
dfoillsigh Día na glóire é féin
nathair Abraham, an tan do bh
sa Mésopotámia, suil do chomhnuigh
a Gcárran:
3 Agus a dubhairt sé ris; Fág
thír féin agus do chineadh, agus
don tír fhoillseóchus misi dhuit.
4 Dimthigh sé ann sin as talamh
Gcaldéanach, agus do chomhnuigh sé
Gcárran. Agus as sin tar éis bh
athar, dárrthuigh sé é don tal
ann a bhfuiltise a nois bhur
naidhe.
5 Agus ní thug sé oighreachd dhó
go fiu leithead troighthe, bíodh
gheall sé a thabhairt mar sheilbh
féin agus dá shíol na dhíaigh, gé
raibh clann fós aige.
6 Achd do labhair Día, mar so: Bi
do shíolsa na náitreabhaidh a
choimhighthe, mar a ccoinneóchar
fa dhaoirse, agus fá leathtrom ce
cheud blíadhan.
7 Achd do dhéuna misi breitheam
ar an gcineadh agá mbíaidh síad fá dh
se, do raidh Día: agus na dhía
rachaid síad amach, agus do
seirbhís dhambsa sa nionadhsa.
8 Tug sé dhó mar an gcéadna c
radh an timchillghearraidh, agus
mar sin do ghin Abraham Isaac,
do thimchillghearr sé é an tochd
lá: agus [do ghein] Isaac Iácob,
Iácob an dá Phátriárca dhéug.
9 Agus ar ngabháil thnúidh do
patriarcuibh, do reacadar Ióseph
Eigipt: agus do bhí Día maille ris.
10 Agus do réidhigh sé é ó nuile
bhróid, agus tug sé grása agus eagn
a bhfiadhnuise Phárao Ri na Héig
noch do rinne uachdarán de ar a N
gipt, agus ar a thigh féin uile.
11 Agus táinig gorta go tír na Hé
gipte, agus Chánaan uile: ionnus
bhfúaradar ar naithreacha beatha.
12 Agus ar na chlos do Iácob go
arbhar sa Néigipt, do chuir sé ar n
threacha ar tús [innte.]
13 Agus an dara huair daithne
a dhearbhraithreacha Iósheph, agus
foillsigheadh do Phárao cineadh Iósep
14 Agus do chuir Iósheph fios ar
cob a athair, agus ar a luchd gáoil
cúig anmanna déug agus trí fichid.
15 Agus do chúaidh Iácob síos
Eigipt, agus fúair sé féin agus ar n
reacha bás;
16 Agus do hathruigheadh íad go S
chem, & do chuireadh íad ann sa t
do cheannaidh Abraham ar a lúach
gid ó chloinn Emmor mhic Sichem.
17 Agus ar ndrud aimsire na geall
na tug Día Dhábraham maille ré m
naibh, dfás an pobal go hiomadúil
Néigipt,

18 N

18 Nó gur éirghe Rí eile súas, ag nach
raibh aithne air Jóseph.
19 Do mheall an fearſo ar ccineadhne,
agus tug ſé drochdhíol air ar naithrea-
chaibh, a ccruth go dtug ſé orrtha a
leinbh do theilgean amach, ionnus
nach bhfásaidís.
20 Fá a namſin rugadh Máoiſe, agus
do bhí ſé taitneamhach ag Día:
agus do hoileadh é feadh thrí míos a
dtigh a athar.
21 Agus ar mbeith dhó ar na theilgean
amach, do thóg inghean Pháraò ría é,
is do oil ſí é mar mhac dhi ſéin.
22 Agus do bhí Máoiſe ſoghlomtha a
ninle eagna na Négipteach: agus do bhí
ſé cumhachdach a mbriathruibh agus a
ngníomharthuibh.
23 Agus ar gcoimhlíonadh aimſire a
dhá fhichead bliadhan dó, táinic ann a
chroidhe dul dſéuchain a dhearbhrái-
threach féin, chloinne Iſraél:
24 Agus ar bhfaicſin dhuine áirighe
ag fulang éugcóra, do choſain ſé é, &
ar mbúaladh a Négioptaigh dhó, do
dhíol ſé díoghaltas air ſon an tí ar a
ndearnadh a néugcóir.
25 Oír do mheas ſé go dtuigfidís a
dhearbhráithreacha, go dtiubhradh Día
ſaoradh, tré na láimhſion dóibh: gi-
dheadh níor thuig ſiadſan [ſin.]
26 Agus an lá na dhiaigh ſin, ar
mbeith dhóibh ag comhrac, do thaiſbéin
ſé é féin dóibh agus do bhí ſé déanamh
ſíothchana eatorra, ag rádh; A dháoine,
is dearbhraithreacha da chéile ſibh:
créad fá ndéuntáoi éugcóir ar a chéile?
27 Achd do chuir an té do rinne a
éugcóir ar a chomharſuin úadh é, ag
rádh; Cia rinne uachdarán agus brei-
theamh dhíotſa ós ar gcionne?
28 An mian ríot miſi do mharbhádh,
mar do mharbh tú an Tègipteach a
né?
29 Do theith Máoiſi ann ſin ris an
bhfocal ſin, agus do bhí ſé na dheóraidh
a dtalamh Mhádian, ſa nionadh ann a
ngeinidh días mac dhó.
30 Agus ar gcríochnughadh dhá
fhichead bhliadhan, do taibhreadh dhó,
a bhfáſach ſhléibhe Sina, aingeal an Ti-
ghearna, a laſair theineadh a ndos.
31 Agus ar na fhaicſin do Mhâoiſe,
do ghabh iongnadh ſan taibhſe é: agus
ar dteachd dó dhá bhreathnughadh,
tháinic guth an Tighearna chuige;
32 As miſi Día haithreach, Día
Abraham, agus Día Iſaac, agus Día
Jacob: agus ar mbeith do Mhâoiſe
ar crith, níor lamh ſé aire do tha-
bhairt dó.
33 Achd a dubhairt an Tighearna
ris, Sgaoil do bhrôga dod choſaibh: óir
is talamh náomhtha an tionadh ann a
bhfuil tú ad ſheaſamh.
34 Tug mé dom aire go fríochna-
mhach, amhgar mo phobail, noch atá
san Négipt, agus do chúalaidh mé a
noſnadhach, agus do thuirrling mé dá
bhfúaſgailt: agus a nois tírrſa a leith,
cuirfe me don Eigipt thû.
35 An Máoiſe ſo do dhiúltadar, ag
rádh; Cia rinne uachdarán agus brei-
theamh dhíotſa, do chuir Día é mar
uachdarán agus mar fhear ſaortha, a
láimh a naingil, do taibhreadh dhó
ſa dos.
36 Tug ſé ſo amach íad, ar ndéu-
namh míorbhaileadh agus comhar-
thadh a dtalamh na Hégipte, agus ann
ſa muir rúaidh, agus ann ſa bhfáſach,
dhá fhichead bliadhain.
37 A ſé ſo an Máoiſi úd noch a
dubhairt ré cloinn Iſrael; Toigéubhaidh
Día bhur Dtighearna, fáidh ſúas dáoibh
dá bhur ndearbhraithribh, mar miſi:
éiſdfidh ſibh ris.
38 Sé ſo an té do bhí ſa gcoimh-
thionól ar an bhfáſach, a bhfochair a
naingil do labhair ris ar ſhlíabh Sina,
agus ré ar naithribhne, noch do ghlac
mar an gcéudna briathra na beatha
chum a dtabhartha dhúinne.
39 Dá nár bháill ré ar naithríbhne
umhlachd do thabhairt, achd do dhiúl-
tadar é, agus dſilleadar ann a gcroidh-
thibh tar a nais don Eigipt:
40 Ag rádh ré Háaron, Déuna dhúinn
Dée, do racha romhuinn: Oír ní bhfuil
a fhios aguinn créud do éirigh don
Mháoiſeſe, noch do threóraidh ſinn as
talamh na Héigipte.
41 Agus do rinneadar láogh ann ſna
laéthibhſin, agus do fhoráileadar íodh-
bairt don íodhail, agus do rinneadar
gáirdeachus as oibrighthibh a lámh
féin.
42 Agus dfill Día, agus tug ſé íad
do dhéanamh ſeirbhiſe do ſhlúagh neimhe
do réir mar atá ſgríobhtha a leabhar na
bhfáigheadh; A thigh Iſraél, nar fhorail-
eabhair dhamhſa, beathaidh mharbha,
agus íodhbartha ar feadh dhá fhichead
bliadhan ar an bhfáſach?
43 Achd do ghlacabhair tábernacel
Mhóloch, agus réult bhur Ndía féin Rém-
phan, fioghracha noch do rinneabhair,
chum a nadhra: ar a nadhbharſin áth-
rócha mé ſibh don táobh a nunn don
Bhábilóin.
44 Do bhí tábernacel na fiadhnuiſe
ag ar naithribhne ar an bhfáſach, do
réir mar daithin an té labhair ré Máoiſi
a dhéanamh, do réir na heiſiomplara do
chunnairc ſé.
45 Noch do ghlacadar ar naithrene,
agus tugadar leó maille ré Híoſa go
ſeilbh na gcineadhach, noch do theilg
Día amach as amharc ar naithreach,
go laéthibh Dháibhi:
46 Noch fúair gráſa a bhfíadhnuiſe
Dé, agus do ſhir tábernacel dfagháil do
Dhia Iácob.
47 Gidheadh a ſé Solamh do thóg
tigh dhó.
48 Achd fós ní a dteampluibh laimh-
 dhéanta

dhéanta atá an tí as áirde na chomhnui-
dhe, do réir mar a deir an fáidh:
49 Sé neamh mo chathaóir, agus an
talamh sdól mo chos. Créd é an tigh
thóigéubhus sibh dhamh, a deir an Ti-
ghearna: nó créud é mionad comhnuighe?
50 A né nach í mo lámh do rinne
na neithesi uile?
51 A dháoine cruáidhmhuineulacha,
agus neamhthimcheallghearrtha a gcroi-
dhe agus a gclúasaibh, atátháoi ag sea-
samh riamh a naghaidh an Spiorad
náoimh, amhuil [do rinneadar] bhur nai-
threacha, as mar sin do nithise.
52 Cía do na fáidhibh nar dhíbreadar
bhur naithreacha? agus do mharbhadar
an dream do réumhfhoillsigh teachd a
nfiréin úd, agá rabhabhairse a nois bhur
luchd bratha, agus dúnmharbhtha.
53 As do ghlacabhair an reachd tré
mhiniosdrálachd na naingeal, agus níor
choimhéudabhair é.
54 Agus ar ná gclos so dhóibhsion,
do gonadh ann a gcroidhthibh iad, agus
do bhádar ag cognamh a bhfiacal na
aghaidh.
55 Achd ar mbeith do Steaphán lán
don Spiorad náomh, agus ar bhféachain
dó go gér ar neamh, do chunnairc sé
glóir Dé, agus Iósa na sheasamh ar láimh
dheis Dé.
56 Agus a dubhairt sé; Féuch, do
chím neamh osguilte, agus mac an duine
na sheasamh ar láimh dheis Dé.
57 Do ghaireadarsan annsin do ghuth
mhór, agus do stopadar a gclúasa, agus
do shaitheadar deuntoil airsion:
58 Agus ar na theilgean amach as
an gcathraigh dhóibh, do ghabhadar do
chlochaibh air: agus do chuireadar na
fiadhnuisighe a néuduighe síos ag cosaibh
ógaraidh áirighe dar bhainm Saul.
59 Agus do ghabhadar do chlochuibh
air Steaphán, as é ag guidhe agus ag
rádh: A Thighearna Iósa gabh mo spio-
rad chugad.
60 Agus ar na léigean féin ar a ghlúi-
nibh dhó, do éigh sé do ghuth mhór;
A Thighearna na cuir an peacadhsa na
leith. Agus ar na rádh so dhó, do
chodail sé.

CAIB VIII.

Saul ag brughadh na Heagluisi, 13 do bhaisdeadh Siomon an draoi, 27 & seomradóir Chandace, ré Philib.

AGus dáontuigh Saul chum a bhá-
saighe. Agus déirigh sa ló sin gér-
leanmhuin mhór a naghaidh na heag-
luise a Niarusalém: agus do bhádar uile
ar na sgaradh feadh réigion thíre
Iúdaighe, agus na Samária, achd
amháin na habsdail.
2 Agus do thógbhadar dáoine cráibh-
theach Steaphán ríu, agus do cháoi-
neadar go mór é:
3 Achd do bhí Saul ag sgrios na
heagluise, ag dul a steach ann gach éin-
tigh: agus ag tarraing amach fhear
agus bhan, do chuireadh sé a bpri-
sun iad.
4 Uime sin an dream do bhí ar
na sgaradh, dimigheadar timchell
ag seanmórugh na bréithre.
5 Agus ar dteachd do Philib go
cathair na Samária, do sheanmóir
Críosd dhóibh.
6 Agus tugadar an pobal d'aon
aire do na neithibh do labhair Philib,
ag éisdeachd, agus ag féuchain na
mharthadh do rinne sé.
7 Oir do chúadar spiorada neamh-
ghlana amach as mórán ann a rabha-
dar, ag éimhghe do ghuth mhór: agus
do slánughadh mórán do luchd pair-
rise, agus do bhacachaibh.
8 Agus do bhí gáirdeachus mór
gcathraighsin.
9 Agus do bhí roimhe sin sa gcath-
raigh, duine áirighe dar bhainm Siomón
do bhí na dhraói, agus do mheall
pobal na Samária, ag rádh; Gur dhuine
mór éigin é féin.
10 Tugadar uile aire dhó ón mbeag
gus an mór, ag rádh; A sé so
chumhachda Dé.
11 Agus tugadar a naire dhó,
bhrígh gur mheall sé iad aimsir
lé na dhraóidheachd.
12 Achd a nuáir do chreideadar
Philib ag soisgéulughadh na neithean
[bheanus] ré ríoghachd Dé, agus
hainm Iósa Críosd, do baisdeadh
eidir fheara agus mhná.
13 Agus do chreid Siomón féin
an gcéudna: Agus ar na bhaisdeadh,
do chomhnuigh sé a bhfochair Philib,
Agus ar bhfaicsin dé na gcomharthadh
agus na míorbhaileadh móra dha
namh, do ghabh úathbhás é.
14 Agus ar gclos do na habsdalaibh
do bhí a Niarusalém, gur ghabh Samá-
ria re bríathar Dé, do chuireadar chuca
Peadar agus Eóin.
15 Agus ar ndul síos dóibh, do
dheadar ar a son, do chum go
bhaidís chuca an Spiorad náomh.
16 (Oír níor thuirrling sé fós ar
neach aca, achd amháin do baisdeadh
iad a nainm an Tighearna Iósa.)
17 Ann sin do chuireadar lámha
tha, agus do ghabhadar an Spiorad
naomh chuca.
18 Agus ar na fhaicsin do Shiomón
go raibh an Spiorad náomh ar na
bhairt tré lámhuibh na nabsdal do
ortha, do thairg sé airgead dóibh,
19 Ag rádh; Tabhraidh dhamhsa
an gcéudna na cumhachdasa, go
ghe gach neach ar a gcuirfe mé lámh,
an Spiorad náomh.
20 Achd a dubhairt Peadar ris,
dtéighe do chuid áirgid a mugha
riot féin, do bhrígh go meafann tú
bhfagbthar tiodhlacadh Dé ar airgead.
21 Ní bhfuil cuid ná cumann agad
ann sa miniosdrálachdsa: óir ní bhfuil
do

do chroidhe díreach a bhfíadhnuise
Dé.
22 Uime sin déuna aithrighe ar son
h-uilcse, agus iarr ar Dhía, más éidir
maitheadh do chroidhe do mhaitheamh
dhuit.
23 Oír do chím go bhfuil tú a ndom-
las an tsearbhuis, agus a ndaingean na
héagcóra.
24 Agus ar bhfreagra do Shíomón a
dubhairt sé; Guidhighse an Tighearna
ar mo shon, gan ní ar bith do na neitibh-
se a dubhrabhair do theagmháil damh.
25 Uime sin ar ndéunamh fíadhnuise
dhóibhsion, agus ar labhairt bhréithre
Dé, dfilleadar go Hiarusalém, agus do
sheanmóraigheadar an soisgéul a mórán
do bhailtibh na Samáritanach.
26 Agus do labhair aingeal an Ti-
ghearna ré Philib, ag rádh: Eírghe,
agus imthigh don taoibh ô dheas, an
slighe síos ó Ierusalém go' Gása: Noch
atá na fhásach.
27 Agus ar néirghe dhósan, dimthigh
sé roimhe: Agus féuch, caillteanach ai-
righe ó Etíopia, duine cumhachdach ré
Candáce bainríoghan na Hetíopia, noch
do bhí ós cionn a hionnmhusa uile, tái-
nic sé go Hiarusalém dadhradh Dé:
28 Agus dfill sé tar a ais, agus ag
suidhe dhó ann a charbad, do léigh
sé Esáias fáidh.
29 Agus a dubhairt an Spiorad ré Phi-
lib, Druid a bhfogus, agus cuir thú féin
a naice an charbaid úd.
30 Agus do rith Philib, & do chúa-
laidh sé é, ag léughadh a nfáidh Esáias,
agus a dubhairt sé: An dtuigeann tú
na neithe léigheas tú?
31 Agus a dubhairt seision, Cionnus
is éidir leam, muna raibh éolaighe éigin
agam? agus diarr sé ar Philib teachd
a nios, agus suidhe na fhochair.
32 Agus a sé so an mball don sgríob-
tuir do léigh sé: Mar cháoiridh do
treoradh chum báis é: Agus amhail uáin
na thochd a bhfíadhnuise a nfir lomartha,
is mar sin nàr osgáil sé a bhéul.
33 Ann a umhlachd do hárduigheadh
a bhreitheamhnus: Agus cía fhoillséo-
chas a gheinealach? oír tógthar a bhea-
tha don talamh.
34 Agus ag freagra air Philib, a du-
bhairt an caillteunuch: Iarruim dath-
chuinge ort, Cia ré a nabair an fáidh so?
an leis féin, nó lé neach eile?
35 Ann sin ar nosgladh a bhéil do
Philib, agus ag tosúghadh ón sgríob-
tuir, do sheanmóir sé Iósa dhó.
36 Agus ar mbeith dhóibh ag im-
theachd sa slighe, tangadar chum uisge
áirighe: agus a dubhairt an caillteu-
nach; Féuch an uisge: Créud thoir-
miosgas mise bhaisdeadh?
37 Agus a dubhairt Philib: Má chrei-
deann tú go hiomlán ó chroidhe, is
éidir leachd. Ar bhfreagra dhósan ann
sin a dubhairt sé; Creidim gur ab é
Iósa Críosd mac Dé.
38 Daithin sé an carbad ann sin do
chongmháil na chomhnuighe: agus do
chúadar aráon síos sa nuisge, Philib,
agus an caillteúnach a naóineachd, &
do bhaisd sé é.
39 Agus ar dteachd a nsíos as a
nuisge dhóibh, dfúadaigh Spiorad an
Tighearna Philib leis, agus ó shin amach
ní fhacaidh an caillteúnach é: agus
dimthigh sé roimhe a ngáirdeachus.
40 Achd fríth Philib a Nasótus: &
ag dul tríd an dtír dhó, do rinne
sé an soisgéul do sheanmórughadh do
na huile chaithreachaibh, go teachd
dhó go Seasárea.

C A I B. IX.

Iompodh Shauil chum Creideamh, 36 & Tabitha ar na tógbhail ón bhás.

AGus ar mbeith do Shaul fós ag séi-
deadh bagair agus marbhtha a
naghaidh dheisciobal an Tighearna, do
chuáidh sé chum a nárdshagairt.
2 Agus diarr sé leitreacha air, go
Damascus chum na sinagóg, ionnus dá
bhfaghadh sé éinneach dfior nó mhnáoi
don tslighese, go dtiubhradh sé leis iad
go Hiarusalém ceangailte.
3 Agus ag imtheachd dó, tháinic sé
a bhfogus do Dhamascus: agus go ho-
bann do dheallruidh soillse neimhe mar
theinnteach na thimcheall.
4 Agus ar dtuitim dhó chum na tal-
mhan, do chúalaidh sé guth ag rádh
ris; A Shaúil, a Shaúil, créud fá a bhfuil
tú ag gérleanmhuin orum?
5 Agus a dubhairt seision; Cia thú
féin, a Thighearna? agus a dubhairt
an Tighearna; As mé Iósa, ar a bhfuil
tusa ag gérleanmhuin. Is cruáidh dhuit
bheith ag gabháil dod shálaibh a na-
ghaidh dhealg.
6 Agus ar mbeith do Shául ar crith
agus lán dúathbhas, a dubhairt sé; A
Thighearna, Créud is áil leachd do dhéu-
namh dhamh? agus [a dubhairt] an Ti-
ghearna ris; Eiridh, agus imthigh a
stéach don chathruigh, & foillséochar
dhuit créud is cóir dhuit a dhéunamh.
7 Mar an gcédna an dream do shiu-
bhail má ráon ré Sául, do sheasadar go
buáidheartha, ag éisdeachd ris an nguth,
achd gan amharc ar éinneach aca.
8 Agus do éiridh Sául don talamh:
agus ar nosgladh a shúl dó, ní fhacaidh
sé éinneach: agus ag breith dhóibhsion
ar láimh air, do thréoraigheadar go
Damáscus é.
9 Agus do bhí sé trí láethe gan
amharc ar bith aige, agus níor ith,
agus níor ibh [éinní.]
10 Agus do bhí deisciobal áirighe a
Ndamáscus, dar bhainm Ananias; ré a
ndubhairt an Tighearna a dtaibhse;
a Ananiáis. Agus a dubhairt seision;
Féuch atáim ann so, a Thighearna.

11 [A dubhairt] an Tighearna ris, an
tan ſin ; Eiridh, agus imthigh don tſráid
ré ráidhtear Díreach, agus íarr a dtigh
Iúdais, an té dar ab ainm Sául ó Thar-
ſus, óir ſéuch atá ſé ag déunamh ur-
nuighe.
12 (Agus do chonnairc ſé a dtaibhſe
fear dar bhainm Ananías ag teachd a
ſteach, agus ag cur a láimhe air, ionnus
go nglacfadh ſé a radharc.)
13 Achd do fhreagair Ananías : A Thi-
ghearna, do chúalaidh mé ó mhórán ar
an bhfear ſo, a mhéud dolcaibh do rin-
ne ſé dod náomhaibhſe a Niaruſalém.
14 Agus atá cumhachda aige ann ſo
ó na hárdſhagartaibh, na huile dháoine
cheangal, ghuidheas hainmſe.
15 Achd a dubhairt an Tighearna ris,
Imthigh romhad : óir atá ſé na ſhoigh-
theach thóghtha agamſa, chum manma
diomchar a bhfiadhnuiſe na gcineadhach,
& na rightheadh, & chloinne Iſráel.
16 Oir foillſéochaidh miſi dhó, Créud
é méud na neitheann is éigin dó fhu-
lang ar ſon manmaſa.
17 Dimthigh Ananías ann ſin, agus do
chuáidh ſé a ſteach don tighſin, agus
ar gcur a lámh airſion, a dubhairt ſé ;
A Shaúil a dheatbhráthair, an Tighear-
na Ióſa do táibhreadh dhuit ſa tſlighe
iona dtáinic tú, do chuir ſé miſi chum
aiſig do radhairc dfaghháil duit, agus do
bheith lionta don Spiorad náomh.
18 Agus ar an mball do thuiteadar ó
na ſhúilibh mar do bheith ſgamail, agus
fuáir ſé a radharc gan fhuireach : agus
ar néirghe do ghabh ſé baiſdeadh.
19 Agus do chaith bíadh, agus do
neartuigheadh é. Agus do bhí Sául
láethe áirighe a bhfochair na ndeiſcio-
bal do bhí a Ndamáſcus.
20 Agus ar an mball do ſheanmóir ſé
Críoſd ann ſna Sinagógaibh, gur bhé
ſó mac Dé.
21 Agus do ghabh úathbhás na huile
dhaoine do chúalaidh é, agus a dubhra-
radar ; A né nach é ſo an té úd do ſgrios
a Niaruſalem an dream do ghuidh an
tainmſe. Agus is chuige tháinic ſé ann ſo,
da mbreith ris ceangailte chum na nárd-
ſhagart ?
22 Achd is móide do neartuigheadh
Sául, agus do chláoi ſé na Júdaighe do
áitrigh a Nadamaſcus, ag deimhniughadh
gur bé ſo Críoſd.
23 Agus ar ndul moráin do láethibh
thárrſa, do rinneadar na Júdaighe do
chomhairle a bhfochair a chéile, eiſion
do mharbhadh.
24 Achd do aithin Sául a ccealg ;
gidheadh do bhí coimhéud acaſan ar na
geataidhibh do ló agus doidhche, chum
eiſion do mharbhadh.
25 Uime ſin ar na ghabháil chuca do
na deiſciobluibh ſa noidhche, do chui-
readar amach tré ſan mballa é, dá léi-
gean ſios a gcliabh.
26 Agus ar dteachd do Shául go Hia-
ruſalém, do chuir ſé roimhe ceangal ri
na deiſciobluibh : achd do bhí faitch-
ortha uile roimhe, agus níor chreide-
dar dhó gur dheiſciobal é.
27 Achd ar na ghabháil chuige do
Bharnabás, rug ſé gus na habſdalaibh é,
agus dfoillſigh ſé dhóibh, cionnus do
chonnairc ſé an Tighearna ſa tſlighe,
agus gur labhair ſé ris, agus cionnus do
labhair ſé go dána a Ndamaſcus a nainm
Ióſa.
28 Agus do bhí ſé na gcaidreadh ſiú
a Niaruſalém.
29 Agus do labhair ſé go dána a nainm
an Tighearna Jóſa, agus do bhíodh ſé
ag diosbóireachd a naghaidh na nGré-
gach : agus do ghabhadarſan do láimh
eiſion do mharbhadh.
30 Achd ar bhfagháil fheaſa do na
dearbhraithreachaibh, do thréoraighe-
dar as ſin go Tarſus é.
31 Uime ſin fúair an eagluis ar feadh
thire Júdaighe, agus na Galilé, agus na
Samária ſíochain, ar mbeith dhóibh
ar na dtogbháil ſúas [ſa gcreideamh :]
agus ag ſiubhal a neagla Dé, agus do
bhádar ar na líonadh do chomhfhur-
tachd an Spiorad náoimh.
32 Agus tárla ag gabháil do Pheadar
tríothadh uile, go dtáinic ſé chum na
náomh do áitrigh a Liddá.
33 Agus fuáir ſé ann ſin duine áirighe
dhar bhainm Enéas, do bhí a bpairilis,
agus nár éirigh as a leabaidh feadh
ochd mbliadhan.
34 Agus a dubhairt Peadar ris ; A
Enéas, do ní Ioſa Críoſd ſlán thú : é-
righ, agus tóg do leabaidh, Agus ann
ſin féin déirigh ſeiſion.
35 Agus do chunncadar an mhéid do
áitrigh a Liddá agus a Sáron é, noch
do fhill chum an Tighearna.
36 Agus do bhí baindeiſciobal áirighe
a Nioppá, dar bainm Tabita, (re a
ráitear ar na eidirmhíniughadh Dorcas)
do bhí an bheanſa lán do dheaghoib-
ribh, agus do dhéirce do níodh ſí.
37 Agus tárla an ſna láethibh ſin, go
raibh ſí tinn agus go bhfuair ſí bás :
agus ar na hionnladh dhóibh, do chui-
readar a ſéomra úachdarach í.
38 Agus ar mbeith do Liddá a bhfo-
gus do Joppá, ar bhfagháil ſgéul do na
deiſciobluibh go raibh Peadar ann ſin,
do chuireadar dis fear chuige, dá ia-
raidh air, gan muill do dhéanamh na
teachd chuca.
39 Ann ſin ar néirghe do Pheadar
tháinic ſé ríu : agus ar dteachd dhó, ru-
gadar ſúas don tſéomra uachdarach é :
agus do ſheaſadar na baintreabhacha
uile na aice, ag cáoi, agus ag taiſbéanadh
na gcótadh, agus na gculaidheach do
rinne Dorcás, an feadh do bhí ſí na
bhfochair.
40 Agus ar gcur amach gach a raibh
a ſdigh, ar na ligean féin ar a ghlú-
nibh do Pheadar, do rinne ſé urnaighe

ſe agus ar bhfilleadh chum an chuirp,
a dubhairt ſé ; Eirigh a Thabita. Agus
do oſgail ſiſi a ſúile, agus ar bhfaicſin
Pheadair dhi, déirigh ſi na ſuidhe.
41 Tug ſé a lámh dhí an tan ſin, agus
do thóg ſé na ſeaſamh í : agus ar ngairm
na náomh agus na mbaintreabhach dhò,
do thaiſbéin ſé iſe béo.
42 Agus do foillſigheadh ſo feadh Jop-
pá uile, agus do chreideadar mórán ſa
Tighearna.
43 Agus tárla gur chomhnuigh Peadar
mórán do laethibh a Nioppá, a bhfo-
chair Shímoóin áirighe, fear leaſaighe lea-
thair.

CAIB. X.

*Cornelius Caiptin díagha do na cineadha-
chaibh, ar na bhaisdeadh le Peadar.*

AGus do bhí duine áirighe a Séaſárea,
dár bhainm Cornélius, caiptín an
bhanna dhá ngoirthear [an banna] E-
dáilleach,
2 Duine ríaghalta ar a raibh eagla Dé,
maille ré na thigh uile, noch do bhei-
readh iomad déirce don phobal, agus
do bhíodh ag guidhe Dé do ghnáth.
3 Do chonnairc ſé go foilléir a dtáibh-
ſe a dtimcheall a náomhadh huáir don
ló, aingeal Dé ag teachd a ſteach chuige,
agus ag rádh ris ; a Chornéliuis.
4 Agus ag féuchain dóſan air go gér,
agus ag gabháil eagla, a dubhairt ſé ;
Créd é ſin a Thighearna ? agus a du-
bhairt ſeiſion ris: Do chuáidh húrnaighe,
agus do dhéirc ſúas a gcoimhne a
bhfiadhnuiſe Dé.
5 Agus a nois cuir dáoine go Joppá,
agus cuir ſios ar Shíomón dar ab comh-
ainm Peadar.
6 Atá ſé ar áoidheachd a bhfochair
Shímóin áirighe fear leaſaighe leathair,
agá bhfuil a thigh láimh ris an bhfair-
ge: foillſeochaidh ſé dhuit créud is cóir
dhuit a dhéunamh.
7 Agus ar nimtheachd don aingeal do
labhair lé Cornéluis, do ghoir ſé chuige
dís dá mhuinntir, agus ſaighdiúir día-
gha don druing do bhí na fhochair :
8 Agus ar bhfoillſiughádh a niomláin
dóibh, do chuir ſé íad go Hioppá.
9 Agus ar ná mhârach ag ſiubhal
dóibhſean, agus ag drud ris an gcath-
raigh, do chuaidh Peadar ſúas ar an
dtigh do dheanamh úrnaighe, a dtim-
cheall an ſeiſeadh huáir.
10 Agus tárla gur ghabh ocarus ro-
mhór é, agus ba mían ris bíadh chai-
theamh : agus an feadh do bhádarſan
ag ullmhughadh [neithe,] do chuáidh
ſéiſion a néull.
11 Agus do chonnairc ſé neamh oſgail-
te, agus ſoightheach áirighe ag teachd a
nuas chuige, amhail bhraithlín mhór,
agus a cheithre beanna ceangailte, noch
do léigeadh ſíos ar an dtalamh :
12 Ann a raibh gach uile ghné bhea-
thadhach cheathairchoſaidh na talmhan,
& bheathaidh allta, & phíaſd ſhnámhus
[an talamh,] & éunlaith a naiéir.
13 Agus tháinic guth chuige ; Eirigh
a Phéadair, marbh, agus ith.
14 Achd a dubhairt Peadar, Ní beadh
a Thighearna : óir níor ith mé riamh
éinni coitcheann, nó neamhghlan.
15 Agus [a dubhairt] an guth ris a
rís an dara huáir ; Na neithe ghlan Día,
ná habairſe neamhghlan iad.
16 Agus do rinneadh ſo fó thrí : agus
a rís do tógbhadh an ſoitheach ſúas
air neamh.
17 Agus ar mbeith do Pheadar ag
déunamh amharuis ann féin, Créud i an
táibhſiſe do chunnairc ſé, Féuch na teach-
dairighe do cuireadh ó Chornélius, ag
íarraidh thighe Shíomóin, & do ſheaſa-
dar ag an dorus.
18 Agus do ghoireadar, agus dfiafrui-
gheadar an raibh Síomón dar chomh-
ainm Peadar ann ſin !
19 Agus ar mbeith do Pheadar ag
ſmuáineadh ar an dtáibhſe, a dubhairt
an Spiorad ris : Féuch, atá tríur fear
dod íarraidh.
20 Uime ſin éiridh, téigh ſíos, & im-
thigh ríu, gan amharus ar bith do bheith
ort ; óir is miſi do chuir uáim íad.
21 Ar ndul ſíos do Pheadar an tan ſin
chum na bhfear do cuireadh chuige ó
Chornélius, a dubhairt ſé ; Féuchaidh, is
miſi an té atá ſibhſe íarraidh : Créud é
an tadhbhar fá dtangabhair ?
22 Agus a dubhradarſan ; Cornélius an
caiptín, duine comhthrom air a bhfuil
eagla Dé, agus fear deaghtheaſda ag an
gcineadh Júdaighe uile, fuáir ſé fógra ó
Dhía tré aingeal náomhtha, ſios do chur
ortſa dá thigh féin, agus éiſdeachd ré
briathar uaitſe.
23 Ann ſin do ghoir ſé a ſteach íad :
agus tug ſé áoidheachd dóibh. Agus ar
na mhárach do imthigh Peadar ríu, agus
dimthigh dream áirighe do na dearbh-
raithreachaibh do bhí a Nioppá ma ráon
ris.
24 Agus an lá na dhiáigh ſin, do chua-
dar a ſteach go Séaſáréa. Agus do bhí
Cornélius ag fuireach ríu, ar ngairm a
gháoil, agus a charad ndiongmhala a
gceann a chéile dhó.
25 Agus tárla ré dteachd Pheadair
a ſdeach, go dtáinic Cornélius do theag-
mháil dó, agus do onóraigh ſé é, dhá léi-
gean féin ſíos agá choſaibh.
26 Achd do thóg Peadar ſúas é, ag
rádh ; Eiridh : Oír as duine miſi féin.
27 Agus ar mbeith dhó ag comhrádh
ris, do chuáidh ſé a ſteach, agus fuáir
ſé mórán ar gcruinniughadh a gceann a
chéile :
28 Agus a dubhairt ſé ríu ; Atá a fhios
agaibhſe nách dlightheach do Iúdaighe,
é féin do cheangal deachdrannach, nó
teachd dá ghoire : gidheadh do fhoill-
ſigh Día dhamhſa, gan duine coitcheann
nó neamhghlan do ghairm do neach ar
bith.
29 Ar a nadhbharſin tháinig mé gan
díultadh a nuáir do cuireadh ſios oram.

Uime ſin fiafruighim créud é an tádhbhar fár chuireabhair fios oram?

30 A dubhairt Cornélius an tan ſin; Ré ceithre lá gus a nuáirſe do bhí mé ag déunamh troiſge, & ſa náomhadh huáir do bhí mé ag déunamh urnaighe ann mo thigh féin; agus féuch, do ſheas neach am fhiadhnuiſe, a néudach dheallruightheach:

31 Agus a dubhairt ſé, a Chornélius, do héiſdeadh húrnaighe, & do coimhnigheadh do dhéirc a bhfiadhnuiſe Dé.

32 Uime ſin cuir fios go Hioppa, agus goir chugad Siomón dar comhainm Peadar: atá ſe ar aóidheachd a dtigh Shíomóin, fhir leaſaighthe leathair, láimh ris an bhfáirrge: & an tan thiucfas ſé, laibhéoruigh ſé riotſa.

33 Ar a nadhbharſa a nuáir ſin féin do chuir me fios ortſa: agus as maith do rinne tú teachd. Uime ſin a nois atámuid uile a bhfiadhnuiſe Dé, chum eiſdeachda gacha uile neithe do haithnigheadh dhíotſa ó Dhía.

34 Agus ar noſgladh a bhéil do Pheadar a dubhairt ſe; Do gheibhim go fírinneach nach bhféuchann Día do phearſannaibh ſeach a chéile:

35 Achd ann gach uile chineadh, gabhuidh ſé ris an tí air ambi a eagla & do ní ceart.

36 An bhríathar noch do fhoillſigh ſé do chloinn Iſrael, ag ſoiſgéulughadh ſíochána tré Jóſa Críoſd, noch atá na Thighearna ós cionn na nuile.

37 Atá a fhios agaibhſe créud do rinneadh feadh thíre Júdaidhe uile, ag toſughadh ón Ngalilé, tar éis an bhaiſdigh noch do ſheanmóraidh Eóin:

38 Cionnus do ung Día Jóſa Nafárrgha ris an Spiorad náomh agus lé cumhachdaibh, noch do chuáidh timcheall ag déunamh maitheaſa, agus ag ſlánughadh gach a raibh fá leathtrom tré chumhachdaibh an diabhail: óir do bhí Día maille ris.

39 Agus atámaóidne dfiadhnuiſe ar na huile neithe do rinne ſé, a ttír Júdaighe, agus a Niaruſalém: noch do mharbhadar, dhá chrochadh a gcroich.

40 Do thóg Día é ſo ſúas an treas lá, agus dfoillſigh ſé é;

41 Ní don phobal uile, achd do na fiadhnuiſibh do thogh Día roimh láimh, [eadhon] dúinne, noch do ith, agus do ibh na fhochair, tar éis a eiſéirghe ó mharbhaibh.

42 Agus tug áithne dhúinne, ſeanmóir a dhéunamh don phobal, & fíadhnuiſe do déunamh, gur ab eiſion do hórduigheadh ó Dhía, na bhreitheamh ar bhéodhaibh agus ar mharbhaibh.

43 Do níd na fáidhe uile fiadhnuiſe dhó ſo, go bhfaghann gach áon chreideas ann, maitheamhnus na bpeacadh tré na ainm.

44 Ar mbeith fós do Pheadar ag labhairt na mbríatharſa, do thuirrling an Spiorad náomh ar gach áon da cúa-laidh an bhríathar.

45 Agus na creidmhighe don timchealſghearradh tháinic ré Peadar, do ghabh uathbhás iad, do bhrígh gur dó-teadh fós ar na cineadhachaibh tiodhlacadh an Spioraid naóimh.

46 Oír do chúaladar íadſan ag labhairt lé teangthaibh, & ag adhmbol... Dé. Do fhreagair Peadar an tan ſin,

47 An féidir do neach ar bith uiſ... do thoirmeaſg, do chum nach baiſdfi... ſo, noch do ghabh an Spiorad náomh... chomhmaith rinne?

48 Agus do aithin ſé dhíobh baiſdeadh ghabhail chuca a nainm an Tighearna. Do íarradar airſion an tan ſin fanmh... [na bhfochair] láethe áirighe.

C A I B. XI.

Peadar ag ſeaſmhadh cúis na gcineadhach, 28 do thairrgir Agabus ioma ghorta ... teachd.

AGus do chúaladar na habſdail agus na dearbhraithreacha do bhí a ... Júdaighe, gur ghabhadar na cineadhacha mar an gcéudna bríathar Dé chuca.

2 Agus ar ndul do Pheadar ſúas go Hiaruſalém, an drung do bhí don timcheallghearradh, do bhádar ag con-póid ris,

3 Ag rádh; Do chuáidh tú a ſdeach gus an muinntir ar nách raibh an timcheallghearradh, & do chaith tú biadh maráon ríu.

4 Agus ar dtionnſgnamh do Pheadar, dfoillſigh ſé [án tiomlán] a nordughadh dhóibh, ag rádh,

5 Do bhí mé a gcathair Jóppá ag déunamh úrnaighe: agus do chonnairc mé an táibhſeſi a néull, Soitheach áirighe ag teachd a núas, amhail bhraitlín mhór, do ligeadh a núas ó neamh ar a cheithre bheannaibh, & táinic ſé chugam.

6 Ar bhféachain damh go géar air, ... mé dom aire, agus do chonnairc ... beathaidh cheathairchoſach na talmhan, agus beathaidh allta, agus na péiſ... ſhnámhnus an talamh, agus éunlaith a naiéir.

7 Agus do chúalaidh mé guth ag rádh riom; Eiridh a Pheadar, marbh, agus ith.

8 Achd a dubhairt miſi; Ní headh a Thighearna: óir ní dheachaidh éin ... coitcheann nó neamhghlan am bhéal a ſteach a ríamh.

9 Agus do fhreagair an guth mé ... dara huáir ó Neamh, Na neithe do rinne Día glan, ná déunſa neamhghlan íad.

10 Agus do rinneadh ſo ſo thrí, & a rís do tógadh ſúas íad go huilidhe air neamh.

11 Agus féuch, tangadar triúr fear ... tan ſin don tigh ann a raibh mé, do cu-readh ó Shéaſaréa chugam.

12 Agus a dubhairt an Spiorad rium dul ríu, gan amharus ar bith do bheith oram. Agus tangadar na ſé dearbhraithreachaſa maráon ríom, & do

chúamar

chúamar a steach go tigh a nfir sin.
13 Agus do fhoillsigh sé dhúinn, cion-
nus do chunnairc sé aingeal ann a
thigh, na sheasamh, agus ag rádh ris ;
Cuir fios ar Shiomón dar ab comhainm
Peadar :
14 Noch laibhéorus briathra riot, ré
a slaineóchar thú féin agus do thigh
uile.
15 Agus an tan do thionnsgain mé
labhairt, do thuirrling an Spiorad náomh
orthasúd, amhail mar do thuirrling sé
orrainne ar tús.
16 Do chuimhnigh misi an tan sin ar
bhréithir an Tighearna, mar a dubhairt
sé ; Do bhaisd Eóin lé huisge, achd baisd-
fighthear sibhsi ris an Spiorad náomh.
17 Uime sin má thug Día dhóibhsion
an tiodhlacadh céudna thug sé dhúinne,
an tan do chreideamar sa Tighearna Jósa
Criosd, cía hé misi do fhéudfadh toir-
measg do chur ar Dhia ?
18 Agus ar gclos na neitheannsa
dhóibhsion, do thochdadar, agus tugadar
glóir do Dhia, ag rádh ; Uime sin tug
Dia aithrighe do na cineadhachaibh fós
chum beatha.
19 Tuilleadh eile, an dream do bhí
ar na sgaradh trés an mbuáidhirt do
éiridh ar son Steapháin, do shiubhladar
go Phenicia, agus go Ciprus, agus go
Hantíochia, gan an bhriathar do labh-
airt ré héinneach, achd ris na Júdaigh-
ibh amháin.
20 Agus do bhádar cuid dhíobh ó
Chiprus agus ó Chiréne, noch ar ndul
a steach dhóibh go Hantíochia, do labhair
ris na Gréugachaibh, agus do shéanmóir
an Tighearna Jósa.
21 Agus do bhí lámh an Tighearna
maille riu : agus do chreid uibhir mhór,
agus dfilleadar chum an Tighearna.
22 Agus táinic na sgéulasa go clùasaibh
na heagluise do bhí a Niarusalém :
agus do chuireadar Barnabas ¡úatha go
Hantíochia.
23 Agus ar dteachd dhó, agus ar
bhfaicsin ghrása Dé, do ghabh gáirdea-
chas é, agus do theaguisg sé iad uile,
fanmhuin a bhfochair an Tighearna
ré rún croidhe.
24 Oír do bhí sé na dhuine mhaith, a-
gus lán don Spiorad náomh agus do
chreideamh ; agus do cuireadh ris an
Dtighearna buidhean mhór.
25 Do imthigh Barnabas an tan sin
go Tarsus, díarraidh Sháuil : agus ar
na fhaghail dó, rug sé ris é go Hantío-
chia.
26 Agus tárla go rabhadar ag gná-
thughadh a chéile feadh bliadhna sa nea-
gluis, agus gur teaguisgeadh léo iomad
do dhaoinibh, ionnus gur ab a Nantío-
chia do goireadh ar tús Críosduighthe
do na deisciobhlaibh.
27 Agus ann sna láethibh sin, tanga-
dar fáidhe ó Jerusalém go Hantío-
chia.
28 Agus ar néirghe súas do neach aca
dar bhainm Agabus, dfoillsigh sé trés an
Spiorad, go mbiadh gorta mhór feadh na
talmhan uile : noch thárla mar an
gcéudna a láethibh Chlaudius Séasar.
29 Ann sin do chuir gach áon do na
deisciobhlaibh roimhe, congnamh do chur
do réir a acfuinne, chum na ndear-
bhráithreach daitrigh a ttír Júdaighe.
30 Agus do rinneadar sin, agus do
chuireadar è chum na sinsear tré láimh
Bharnabais, agus Sháuil.

C A I B. XII.

Foirégniughadh, 21 Vabhar, 23 is bás ghráineamhla Joruaith, dar comhainm Agrippa.

AGus sa a namsin do shín Joruáidh an
rígh lámha, do dhéanamh uilc do
dhruing áirighe don neagluis.
2 Agus do mharbh sé Séumus, dear-
bhráthair Eóin, lé cloidheamh.
3 Agus ar bhfaicsin dó gur thaitin sin
ris na Júdaighibh, do chuir sé roimhe
Peadar do ghabháil mar an gcéudna,
(achd do bhádar láethe a naráin gan
laibhin ann.)
4 Agus ar na ghabháil dó, do chuir
sé a bpriosún é, ar na thabhairt dhá choi-
mhéud do cheithre choírighthibh do
shaighdiúiribh, ar mbeith fonnmhar dhó
ar a thabhairt amach chum an phobail
a ndiáigh na Cásg.
5 Uime sin do coimhéudadh Peadar a
bpriosún : & do rinne a neagluis úrnaighe
go dúthrachdach chum Dé ar a shon.
6 Agus ar mbeith Díoruáidh ar tí a
thabhairt amach, sa noidhche sin féin do
chodail Peadar eidir dhís saighdiur, ar
na cheangal ré dhá shlábhradh, agus do
bhádar an luchd coimhéuda, ag coimhéud
an phriosúin ag an dorus.
7 Agus féuch, do sheas aingeal an Ti-
ghearna a lathair, agus do dhealruidh so-
lus sa tigh : agus ar mbúaladh Pheadar
ann a ttáobh, do thóg sé súas é, ag
rádh, Eiridh go lúath. Agus do thuitea-
dar na slabhraidhe dhá lámhaibh.
8 Agus a dubhairt an taingeal ris,
Cuir do chrios thort, & ceangail ort do
bhróga. Agus do rinne sé mar sin.
Agus a dubhairt sé ris ; Cuir do bhrat
iomad, agus lean misi.
9 Agus ar nimtheachd amach do Phea-
dar do lean sé é, agus ní raibh a fhios
aige gur bhfíor a ní do rinneadh trés a
naingeal, achd do shaóil sé gur taibhse
do chunnairc sé.
10 Agus ar nimtheachd dóibh tré san
gcéud [fhaire,] agus tre san dara faire,
tangadar chum an ghéata iarainn, thréo-
raigheas chum na caithreach, noch do
osgail dhóibh úadh féin : & ar ndul a-
mach dhóibh, do shiubhladar thríd áon
tsráid amháin : agus ar an mball do
imthigh an taingeal úadh.
11 Agus ar dteachd do Pheadar chu-
ge féin, a dubhairt sé ; A nois atá a fhios
agum go dearbhtha, gur chuir an Ti-
ghearna

ghearna a aingeal úadh, agus gur ſháor
ſé mé ó láimh Joruáidh, & ó uile choi-
mhéud an phobail Júdaighe.
12 Agus ar mbreathnughadh [a nei-
theſe] dhó, tháinic ſé go tigh Mhuire
mathair Eóin, dar comhainm Marcus,
áit a rabhadar mórán cruinn a bhfochair
a chéile, agus ag déunamh úrnaighe.
13 Agus ar mbúaladh dhorais an
phóirſe do Pheadar, tháinic cailín chuige
dár bhainm Ròde, déiſdeachd [ris.]
14 Agus ar naithne ghotha Pheadair
dhi, tré gháirdeachus, níor oſgail ſí an
dorus, achd ag rioth dhi a ſteach,
dinnis ſí, go raibh Peadar na ſheaſamh
ſa phóirſe.
15 Achd a dubhradarſan ría, Atá tú
ar mícheill. Gidheadh do bhí ſiſi ag
dearbhughadh go raibh ſé amhluidh.
Achd a dubhradarſan, a ſé a aingeal atá
ann,
16 Agus do lean Peadar dá bheith ag
búaladh [an dorais :] agus ar noſgladh
dhóibhſion, do chunncadar é, agus do
ghabh uathbhás íad.
17 Agus ar ſméideadh a láimhe dhó-
ſan ortha chum bheith na dtochd, dfoill-
ſigh ſé dhóibh, cionnus tug an Tighear-
na amach é as an bpríoſún : agus a dubh-
airt ſé, Inniſigh na neitheiſe do Shéumus
agus do na dearbhráithreachaibh. Agus
ar nimtheachd as ſin dó, do chuáidh ſé
go háit eile.
18 Agus ar néirghe don lá, déiridh
buáidhirt nar bheag a meaſg na ſaigh-
díur, a dtimcheall créd thárla do Phea-
dar.
19 Agus ar ná íarraidh Dioruáidh, agus
nách bhfuáir, ar cceaſdughadh an luchd
coimhéuda dhó, dáithin ſé a mbreith
amach chum pionúis. Agus ar ndul ſíos
dó ó thír Júdaighe go Séaſaréa do chomh-
naigh ſé [ann ſin.]
20 Do bhí Joruáidh an tan ſin ro
dhíomghach do luchd Thíruis & Shidoin :
achd tangadarſan dáontoil chuige, & ar
dtabhairt Bhalaſtuis [eadhon] ſéomra-
dóir an Ri ar a dtoil, díarradar ſíocháin :
do bhrigh go raibh a ttír dhá cothu-
ghadh tré thír an Rí.
21 Agus lá órduighe airighe ar mbeith
Dioruáidh ar na éudughadh a néudach
ríogha, agus na ſhuidhe ſa gcathaóir
bhreitheamhnais, do rinne ſé óráid
dhóibh.
22 Agus do gháireadar an pobal :
Guth Dé [ſo,] agus ní [guth] duine.
23 Agus a nuáirſin féin do bhuail
aingeal an Tighearna é, do bhrigh nach
ttug ſé glòir do Dhia : agus ar na ithe
do phíaſdaibh, do chuáidh a ſpiorad
aſ.
24 Agus do fhás bríathar Dé, agus do
méudaigheadh í.
25 Agus do fhill Barnabas agus Saul ó
Jeruſalém, ar gcoimblionadh a minioſ-
drálachda, ar mbreith ſós Eóin ríu, dar
comhainm Marcus.

C A I B. XIII.

Pòl & Barnabas ar na ccur ar leith chum oibre an Tſoiſgeil, 8 & Elimas an draoi (ag cur na naghaidh) ar na dheanamh dall.

AGus do bhadar a neagluis na Han-
tíochia fáidhe áirighe agus luchd
teaguiſg, mar atá Barnabas agus Simeon
da ngoirthi Niger, agus Lúcius ó Chirene,
agus Manahen comhalta Joruáidh an
Tetrarcha, agus Saul.
2 Agus ar mbeith dhôibh ag minis-
drálachd don Tighearna, a dubhairt an
Spiorad náomh ; Cuiridh air leith dhamh
Barnabas agus Saul, fa chomhair na
hoibre chum ar ghoir mé íad.
3 An ſin ar ndéunamh troiſge agus
úrnaighe dhóibh, agus ar gcur lámh or-
tha, do léigeadar úatha [íad.]
4 Uime ſin ar mbeith dhóibhſion ar
na gcur amach ón Spiorad náomh, do
chúadar ſíos go Seléucia, agus as ſin do
ſhéoladar go Cíprus.
5 Agus ar dteachd dhóibh go Salamis,
do ſheanmóraigheadar bríathar Dé a
ſinagógaibh na Niudaighe ? agus do bhí
Eóin aca fós mar óglach.
6 Agus ar ndul dóibh thríd a noileán
go Páphus, fúaradar draói áirighe
fáidh fallſa, Júdaighe, dár bhainm Bar-
íeſus :
7 Noch do bhí a bhfochair a nuachda-
ráin Sergius Paulus, duine tuigſionach,
Ar ngairm Bharnabais agus Shauil dhó
ſo chuige, díarr ſé bríathar Dé déi-
deachd.
8 Achd do chuir Elimas an dráoi, (óir
as mar ſo eidirmhínighthear a ainm) na
naghaidh, ag íarraidh a nuachdaráin
diompógh on gcreideamh.
9 Achd ar mbeith do Shaul (da ngoir-
thear fós Pól) lán don Spiorad náomh,
ag féuchain air go gér,
10 A dubhairt ſé : [A fhir] lán do
mheabhail agus dolc, a mhic an díabhail,
agus a namhuid na huile fhiréntachda,
an é nach ſguirſe tú do ſhlighthibh
díorgha Dé do chur bunſcionn ?
11 Agus anois féuch lámh an Tighear-
na ad aghaidh : & biaidh tú dall gan
amharc na gréine agad feadh ſealaid.
Agus ris ſin féin do thuit céo & dorcha-
dus air : & do ſhir ſé fa gcuairt dream
éigin do threoròchadh ar láimh é.
12 Ar bhfaicſin don uachdarán an tan
ſin a ní do rinneadh ann, do chreid ſé,
ag déanamh iongantuis fá theaguſg an
Tighearna.
13 Agus ar nimtheachd do Phól agus
don druing do bhi na fhochair a luing ó
Pháphus, tangadar go Pérge na Pam-
philia. Agus ar ndealughadh Deóin ría,
dfill ſé go Hiaruſalém.
14 Agus ar ndul dóibhſion ò Pheirge,
tangadar go Hantíochia na Piſidia :
agus ar ndul a ſteach dhóibh don
tſinagóig lá na ſabbóide, do ſhuigheadar
ſios.
15 Agus tar éis léighthe an reachda
agus

agus na bhfáigheadh, do chuireadar uachdaráin na ſionagóige teachdaireachd chuca, ag rádh; A fheara [agus] a dhearbhraithreacha, má atá agaibh briathar ar bith lé a dteagaiſgſí an pobal, labhruidh [í.]
16 Ar néirghe ſúas do Phól an tan ſin, agus ar ſméideadh dhó ré na láimh chum iadſan bheith na dtochd, a dubhairt ſé, A fheara Iſráelacha, agus ſibhſe ar a bhfuil eagla Dé, éiſdigh.
17 Do thogh Día an pobailſe Iſrael ar aithreacha, agus do árdaigh ſé an pobal an tan do bhádar na gcomhnuighe ſa Néigipt, do thréoraigh ſé as ſin amach iad ré láimh áird.
18 Agus a dtimcheall aimſire dhá fhichead bliadhan, do fhulaing ſé a mbéala ſa bhfáſach.
19 Agus ar ſgrios dó na ſeachd gcineadhach a dtír Chánaan, do roinn ſé ré crannchar a bhfearann dóibh.
20 Agus na dhiáigh ſin, a dtimcheall deich mbliadhan agus dá fhichead agus ceithre gcéud, tug ſé breitheumhain dóibh, go [teachd] Shamuel an ſaidh.
21 Agus na dhiáigh ſin díarradar Rí, agus tug Día Saul dóibh mac Chis: fear do threibh Bheniamin, feadh dhá fhichead bliadhan.
22 Agus ar na áthrughadh ſúd dhó, do thóg ſé ſúas Dáibhi na rígh dhóibh; dá ndearnaidh ſé mar an gcédna fíadhnuiſe, ag rádh; fuáir mé Dáibhí [mac] Ieſe na dhuine do réir mo chroidhe, noch do dhéunaigh mo thoil uile.
23 As dá ſhíol ſo do thóg Día ſúas do réir na geallamhna an ſlánaightheóir Ioſa Diosrael.
24 Ar mbeith Deóin, roimh eiſion do theachd, ag ſeanmórughadh bhaiſdigh na haithrighe do phobal Iſrael uile.
25 Agus ar gcoimhlionadh a ſheala Deoin, a dubhairt ſé, An té ſháoilti, ní miſi é: achd féuch, tig neach am dhiáigh, ag nach fíu mé iallach a bhróg do ſgaoileadh.
26 A fheara [&] a dhearbhraithreacha, a chlann fine Ábraham, & an mhéid agaibh ar a bhfuil eagla Dé, is chugaibhſe do cuireadh briathar na ſláinteſe.
27 Oir an dream do áitrigh a Niaruſalem, agus a nuachdaráin, ar mbeith dhóibh gan éolus aca airſean na air bhriathruibh na bhfaigheadh, léughthar gacha ſabbóid, air na dhamnughadhſan dóibh do choimlíonadar íad.
28 Agus bíodh nach bhfuaradar coir ar bith bháis [air,] díarradar ar Philaid a bháſughadh.
29 Agus ar gcríochnughadh na nuile neitheann dóibh do bhí ar na ſgríobhadh na thimcheallſan, do leagadar a nuas as an gcroich, agus do chuireadar a dtúama [é.]
30 Achd do thóg Día ſúas ó mharbhaibh é.
31 Noch do taiſbéunadh feadh mhóráin
do láethibh don druing do chuáidh a náoinfheachd ris ſúas ón Ngalile go Hiaruſalem, agus atá na bhfiadhnuiſibh dhò a dtáobh an phobail.
32 Agus foiſgéulamáoidne dhíbhſe an gealladh do rinneadh dona haithreachaibh: gur choimhlíon Día dhúinne a gclann é, ar dtógbháil Íóſa ſúas:
33 Mar atá ſgríobhtha fós ann ſa dara Salm; Is tuſa mo mhacſa, a niugh do ghein mé thú.
34 Agus do bhrígh gur thóg ſé ſúas é ó mharbhaibh, agus nach bhfillfidh air ais chum na huáidhe, a dubhairt ſé mar ſo; Do bhéura mé dhíbh neithe náomhtha díongmhála Dháibhí.
35 Uime ſin a deir ſé a nionad eile; Ní fhuiléongaidh tú do neach náomhtha féin dfaicſin truáidhlighthe.
36 Oir go deimhin ar ndéunamh ſeirbhiſe do Dháibhi ann a gheinealach féin tré chomhairle Dé, do chodail ſé, agus do cuireadh a bhfochair a aithreadh é, agus do chunnairc ſé truáilleadh.
37 Achd an té do thóg Día ſúas ní fhacaidh ſé truáilleadh.
38 Ar a nadhbharſin bíodh a fhios agaibh a bhraithreacha, gur trés an bhfearſo foillſighthear dhíbh maithfeachus na bpeacadh:
39 Agus go bhfuil gach áon chreideas, ar na fháoradh thridſion ó na huile neithibh dá nár bhféidir ſibhſe do ſháoradh a reachd Mhaóiſe.
40 Uime ſin tabhraidh bhur naire ribh, nách dteigeumhadh dhaóibh a ní atá ar na rádh ris na ſaidhibh,
41 Féuchaidh a luchd na tarcaiſne, & bíodh iongantus oraibh, agus leathnuighidh mar cheo: óir oibrighimſe obair ann bhur láethibh, obair nach ccreidſeadh ſibh, dá bhoillſigheadh duine dhìbh é.
42 Agus ar nimtheachd amach as an tſionagóig do na Iúdaighibh, díarradar na cineadhaigh dachaingne [orrtha,] na briathraſa labhairt ríu féin an tſabbóid na dhiáighſin.
43 Agus ar ſgaóileadh don choimhthionól, do leanadar mórán do na Iúdaighibh, & do dhaóinibh ríaghalta coigchríchthe tháinic chum creidmhe, Pól & Barnabas: noch do labhair ríu, & do chomhairligh dhóibh fuireach a ngráſuibh Dé.
44 Agus an céudla ſabbaide na dhiáigh ſin is beag nar chruinnigh an chathair uile a bhfochair a chéile, deiſdeachd bhréithre Dé.
45 Achd ar bhfaicſin an phobail do na Júdaighibh, do líonadh do thnúth iad, & tangadar a naghaidh na neitheann do labhair Pól, dá gconntrárghadh, & ag labhairt ortha go maſluightheach.
46 Achd ar ndéunamh dánachda do Phól agus do Bharnabas, a dubhradar; Is ribhſe ar tús dob éigean bria-

thar Dé do labhairt : gidheadh ó chur-
táoi ar goil í, agus go mbeirthí do
bhreith nach fiu sibh an bheatha mhar-
thanach [dfagháil,] Féuch, atámaoidne
ag filleadh chum na gcineadhach.
47 Oír is mar sin do aithin an Ti-
ghearna dhinn, [ag rádh ;] Do chuir mé
thú mar sholas do na cineadhachaibh,
agus mar shlánughadh go leithimlibh
na talmhan.
48 Agus ar gclos na neitheannsa do
na cineadhachaibh, do ghabh gáirdea-
chus iad, agus do ghlóraigheadar bría-
thar an Tighearna : agus do chreidea-
dar an mhéid do bhí ar na nórdughadh
chum na beatha marthanaighe.
49 Agus do leathnaigh briathar an
Tighearna air feadh na tíre uile.
50 Achd do bhrosduigheadar na Jú-
daighe mná riaghalta agus mácanta, &
uáisle na caithreach, agus do thógadar
géirleanmhuin ar Phól agus ar Bharna-
bas, agus do chuireadar amach as a
dtéorannaibh iad.
51 Achd ar gcrathadh dhóibhsion
luaithrigh a gcos na naghaidh, tanga-
dar go Hicónium.
52 Agus do líonadh na deisciobail
do gháirdeachas agus don Spiorad
náomh.

CAIB. XIV.

Na Heasbuil ag deanamh maith ag Listra,
11 tugadar an-barr onóir dhoibh don la,
19 & ghabhadar do chlochaibh orra la eile.

AGus tárla a Nicónium, go ndeacha-
dar ar áon a náoinfheachd go
sionagóig na Niúdaigheadh, agus gur
labhradar, ar ghléus gur chreideadar
buidhean mhór do na Júdaighibh, agus
fós do na Gréugachaibh.
2 Achd na Júdaighthe dichreidmhea-
cha, do bhrosdaigheadar agus do lío-
nadar daingidheachd, inntinn na gci-
neadhach a naghaidh na ndearbhrai-
threach.
3 Uime sin dfanadar aimsear fhada
ag labhairt go dána sa Tighearna, noch
do rinne fiadhnuise do bhréithir a ghrás
féin, agus tug fá deara comharthadha
agus miorbhuileadha do dhéunamh tré
na lámhaibhsion.
4 Agus tárla connspóid eidir luchd
na caithreach, ionnus go raibh dream
aca ris na Júdaighibh, agus dream eile
leis na habsdalaibh.
5 Agus ar dtosughadh bruighne do
na cineadhachaibh, agus do na Hiúdaigh-
thibh, maille ré na núachdaranaibh,
chum iadsan do mhaslughadh, & ga-
bháil do chlochaibh orrtha,
6 Ar na thuigsin [so] dhóibhsion,
do theitheadar go Listra, agus Derbe,
caithreacha na Licaónia, agus don re-
gíon ar gach táobh.
7 Agus do bhádar ag seanmórughadh
an tsoisgéil ann sin.
8 Fa a nám sin do bhí duine áirighe
a Listra na shuidhe, ag nách raibh a cho-
sa ar a chumas, do bhí na mhaint-
neach ó bhroinn a mháthar, [agus] nár
shiubhháil a riamh.
9 Do chualáidh sé so Pol ag labhairt :
agus ar mbeith do [Phól] ag féuchain
go gér air, agus ar mbreathnughadh
dhó go raibh creidheamh aige chum a
shlánuighthe,
10 A dubhairt sé do ghuth mór, Seas
súas go díreach ar do chosaibh. Agus do
léim seision súas, agus do shiubhail sé.
11 Agus ar bhfaicsin a neithe do rin-
ne Pól don phobal, do árdaigheadar a
nguth, ag rádh a dteangaidh na Lica-
ónia, Tangadar Dée a mías chugainn a
gcosamhlachd dáoine.
12 Agus do ghoireadar Jupiter do
Bharnabas : agus Mercúrius do Phól : do
bhrígh gur bhfear labhartha é.
13 Agus ar mbeith do shagurt Jupiter
as comhair a gcaithreach súd, ar dtá-
bhairt tharbh agus atín ris chum na
ngeatadh, bá mian leis íodhbairt do
dhéunamh, má ráon ris an bpobal.
14 Achd ar na chlos [so] do na hab-
sdalaibh, Barnabas agus Pol, ag réubadh
a gculaidheach dhóibh, do ritheadar
a steach a measg an phobail, ag éigh-
mhe :
15 Agus ag rádh ; A dháoine, Créad
fá a ndéantáoi na neithese ? óir is dáoine
sinne féin, cosmhail a bhfulangthaibh
ribhse, ag soisgéulughadh dhíbh filleadh
ó na neithibh díomháoineachsa chum
Dé bhí, noch rinne neamh, & talamh,
agus a nfairge, agus na huile neithe atá
ionnta.
16 Noch do fhulaing sna haimsiribh
do chuáidh thorainn, do na huile ci-
neadhachaibh siubhal ann a slighthibh
féin.
17 Biodh nar fhág sé é féin gan fhiadh-
nuise, ag déunamh maitheasa, ag tá-
bhairt fearthanna dhuinn ó neamh, &
seusúir thórthaigh, ag líonadh ar gcroi-
dheadh do bhiadh agus do gháirdea-
chus.
18 Agus ar rádh na neitheannsa dhóibh,
is ré héigean do chongbhadar an pobal
ó íodhbairt do dhéunamh dhóibh.
19 Gidheadh tangadar Iúdaighe chuca
ó Antiochia agus ó Icónium, noch do
chomhairligh an pobal, agus ar ngab-
áil do chlochaibh ar Phól, do tharr-
ruing amach as an gcathraigh [é,] ar
na sháoilsin dóibh go raibh sé marbh.
20 Achd ar mbeith do na deiscio-
luibh na seasamh na thimcheall, do
éiridh sé súas na sheasamh, agus do
chuáidh sé a steach don chathraigh,
agus ar na mhárach do imthigh sé
as sin má ráon ré Barnabas go Derbe.
21 Agus ar seanmórughadh an tsoi-
sgéil don chathraigh sin dóibh, agus
ar dtarruing mhóráin do dheiscio-
laibh chuca, dfilleadar go Listra agus
go Hicónium, agus go Hantíochia.
22 Ag neartughadh anmann na ndeis-
ciobal,

ciobal, agá dteaguſg ſá annmhuin ſa
gcreideamh, agus gur tré iomad buáidh-
artha as éigean dúinn dul a ſteach
go ríoghachd Dé.
23 Agus ar nórdughadh ſinnſear ann
gach eagluis, agus ar ndéunamh úr-
naighe dhóibh maille ré troſgadh, do
chuireadar ar choimhéud an Tighearna,
inar chreideadar, íad.
24 Agus ar ndul dóibh thríd Phiſi-
día, tangadar go Pamphília.
25 Agus ar labhairt na bréithre
dhóibh a Bperge, do chùadar ſíos go
hAtalía.
26 Agus do ſhéoladar as ſin go Han-
tiochia, a náit as ar cuireadh ar coi-
mhéud ghrás Dé íad, chum na hoibre
do choimhlionadar.
27 Agus ar dteachd agus ar gcruin-
niughadh na heagluiſe a gceann a chéile
dhóibh, do fhoillſigheadar méud na
neitheann do rinne Día thríothadh,
agus gur oſgail ſé dorus an chreidimh
do na cineadhachaibh.
28 Agus do chomhnuigheadar aimſir
fhada ann ſin a bhfochair na ndeiſ-
ciobal.

CAIB. XV.

*Ceann-Chombairle na Neaſbul ag Jeruſa-
lem, ioma ttimchillghearradh.*

AGus ar dteachd do dhruing áirighe,
a núas ó thír Iudaighe, do thea-
guiſgeadar na bráithre, [ag rádh ;]
Muna dtimcheallghearthar ſibh do réir
reachda Mhaóiſi, ní héidir bhur ſlá-
naghadh.
2 Uime ſin tair éis Pól agus Barna-
bas conſpóid agus diosbóireachd nar
bheag do dhéanamh na naghaidh, dór-
duigheadar Pòl agus Barnabas agus cuid
eile dhíobhſan do dhul ſúas go Hiaru-
ſalem, chum na nabſdal agus na ſinn-
ſear, a dtimcheall na ceaſda ſo.
3 Agus ar na ſéoladh do neagluis, do
ghabhadar tré Phenice agus Shamária,
ag innſin fhillte na gcineadhach, agus
do chuireadar lúthgháir mhór ar na
bráithribh uile.
4 Agus ar dteachd go Hiaruſalém
dhóibh, do ghabhadar a neagluis agus
na habſdail agus na ſinnſir chuca íad,
agus dinniſeadarſan méud na nitheann
do rinne Día thríothadh.
5 Gidheadh déirghe dream áirighe
do threachd na Bphairiſíneach do chreid,
ag rádh; Go ccaithfidh a ttimcheallghear-
radh, agus a chur dfíachuibh orrtha dli-
gheadh Mhaóiſi choimhéud.
6 Ar a nadhbharſin tangadar na
habſdail agus na ſeinnſir ar áonball
dfeachuin a dtimcheall a neithſe.
7 Agus ar ndéunamh móráin dios-
bóireachda dhóibh, déirigh Peadar
ſúas agus a dubhairt ſé ríu ; A fheara
[agus] a bhráithreacha, atá a fhios
agaibhſi gur thogh Día eadruinne fada
ó ſhin, go gcluinfidís na cineadhacha
briathar an tſoiſgéil as mo bhéalſa, agus
go gcreidfidís.
8 Agus do rinne Día dar ab aithne
na croidhthe ſinné dhóibhſion, ag ta-
bhuirt an Spiorad náoimh dhóibh,chomh-
maith linne.
9 Agus ní dhearna ſé éidirdhealu-
ghadh ar bíth eadruinne agus íad, ag
glanadh a gcroidheadh lé creideamh.
10 Uime ſin a nois créud ſá bhfuiltí
ag cur chathuighthe ar Dhía, ag cur
chuinge ar mhuinéuluibh na ndeiſciobal,
nar fhéudadar ar naithreacha ná ſinn
féin iomchar ?
11 Achd creidmíd go ſláineochthar
ſinn comhmaith léoſan, tré ghráſuibh
an Thighearna Ióſa Críoſd.
12 Ann ſin do thochdadar an chui-
deachda uile, agus tugadar éiſdeachd
do Bharnabas agus do Phól, ag innifin
créad é méud na gcomharthadh agus
na míorbhuileadh do rinne Día thrio-
thadh féin eidir na cineadhachuibh.
13 Agus ar ſgur dha dtagra dhóibh,
do fhreaguir Séumus, ag rádh ; A
fheara [agus] a bhráithreacha, éiſdigh
riumſa.
14 Dinnis Simón [dáoibh] cionnus
dféuch Dia ó thóſach chum pobail do
bhuáin as na cineadhachuibh dhá ainm
féin.
15 Agus tigid bríathra na bhfáidheadh
leis an niſi : do réir mar atá ſgríobhtha,
16 Fillfidh mé na dhiáigh ſo, agus
tóigéubhuidh mé ſúas a rís tábernacel
Dháibhí atá ar dtuitim, & cóiréochaidh
mé an ní do thuit de, agus cuirfidh
mé ſúas é a rís :
17 Do chum go níarrfaidís an chuid
eile do na dáoinibh an Tighearna, &
na huile chineadhacha ar a ngoirthear
mainm : a deir an Tighearna noch do
ní na neitheſi uile.
18 Atá fios a oibreacha féin uile ó
thoſach an tſáoghail, ag Día.
19 Uime ſin meaſuimſi nach cóir
miſbuáimhneas do chur air a ndreim
do na cineadhachuibh, dfill chum Dé.
20 Achd as inſgríobhtha chuca, Iad
féin do ſheachna ar thruáillighthibh na
Niodhal, agus ar Stríopthachus, agus ó
ní Teachduighthe, agus ô Fhuil.
21 Oir atáid ag Maóiſi ó na ſean-
aimſireachuibh a nall, dáoine do ní a
ſheanmórughadh ann gach áon chath-
ruigh, ann ſna ſinagóguibh ann a léugh-
thar gacha ſábbóid é.
22 Ann ſin do chonncas do na hab-
ſdalaibh agus do na ſinnſearaibh maille
ris a neagluis uile, dáoine toghtha dhíobh
féin do chur go Hantíochia lé Pól &
lé Barnabas : [eadhon] Iúdas dar comh-
ainm Barſabas, agus Silas, dáoine oirr-
dheire eidir na bráithreachuibh :
23 Ag ſgríobhadh leitreach ríu mar ſo :
Beatha agus ſláinte ó na heasbuluibh,
agus ó na ſeinnſearuibh, & ó na brái-
thribh chum na mbráthar do na cineadh-

achuibh atá a Naintíochia, agus a Síria,
agus a Cilícia.
24 Do bhrigh go gcúalamar go ndea-
chadar dáoine áirighe úainne noch do
bhuaidhir ſibhſe lé bríathruibh, agus do
chláochluidh bhur ninntinne, dá rádh
ribh bheith ar bhur dtimcheallghear-
radh, ⁊ an reachd do choimhéud; dá
nach dtugamar [a leitheid ſin] dáithne:
25 Do chonncas dúinn air tteachd déun-
toil a gceann a chéile daóine thoghtha
do chur chugaibhſi má ráon ré ar
[mbráithribh] grádhacha Barnabas ⁊ Pól.
26 Daóine thug a nanmanna féin ar
ſon anma ar Dtighearna Iósa Críoſd.
27 Ar a nadhbharſin do chuireamar
chuguibh Júdas agus Sílas, noch innéoſas
na neitheſi as béul mar an gcédna.
28 Oír do chonncas don Spiorad náomh
⁊ dúinne, gan ni as mó dúalach do
chur oruibh, ná na neithe ríachdanachaſo.
29 Go ſeachna ſibh ſibh féin ar neithibh
do nithear ofráil díodhaluibh, ⁊ ar fhuil,
⁊ ar ní tachduighe, ⁊ ar ſtríopthachus:
má chongbhuithí ſibh féin úatha
ſo, is maith do dhéuntáoi é. Slán libh.
30 Agus ar na léigeanſan air ſiubhal
tangadar go Hantíochia: agus ar gcruin-
niughadh don phobal a gceann a
chéile túgadar an leitir úatha.
31 Agus an tan do léigheadarſan an
leitir, do ghabh gáirdeachus íad tres
an ccomhfurtachd.
32 Mar an gcéadna ar mbeith do
Júdas agus do Shilas na bhfáidhibh, do
theaguiſgeadar ⁊ do neartuigheadar na
bráithre lé mórán bríathar.
33 Agus tair éis íad fhuireach ann
ſin ar feadh tamuill, do leigeadar na
bráithre íad a ſíothcháin úatha chum na
nabſdal.
34 Achd do chonncas do Shilás comh-
nuighe ann ſin.
35 Achd do fhan Pól agus Barnabas
a Naintíochia, ag teaguſg agus ag
ſoiſgéulughadh bhreithre an Tighearna,
maráon fós ré mórán eile.
36 Achd a ndiáigh láetheadh áirighe
a dubhairt Pól ré Barnabas, Filleam
dféuchain ar mbráithreach atá ann
gach áon chathruigh ann a ndearnamar
bríathar an Tighearna do ſheanmóir,
cionnus atáid ſíad.
37 Agus do ſhanntuigh Barnabas
Eóin dá ngoirthear Marcus, do bhreith
léo.
38 Achd níor bháill lé Pól an té do
chúaidh úatha as Pamphília, agus nach
deachaidh ríu chum na hoibre, do
bhreith na gcuideachda.
39 Uime ſin do éirigh éaſáonta eator-
ra, a gcruth gur ſgaradar ré chéile:
achd rug Barnabas Marcus leis, agus
do chúaidh ſé a luing go Ciprus:
40 Achd dó thogh Pól Silas dó féin,
agus do imthigh ſé roimhe, ar na chur
ar comairce ghrás Dé do na bráithribh.
41 Agus do ſhiobhail ſé ar feadh
Shíria agus Chilícia ag coimhneart-
ghadh na neágluiſeadh.

CAIB. XVI.

Siobhal ⁊ Saothair Phóil. 14 Croidhe Lidia ar na oſgladh 34 ⁊ Coimhéuduigh an phríoſuin ag creideamh a Ndia.

ANn ſin táinic ſé go Derbe, agus go
Liſtra: agus feuch, do bhí deiſ-
ciobal áirighe ann ſin dar bhainm
Timotéus, mac mhná áirighe dheagh-
chreidmhighe don chineadh Iúduigh,
agus bá Gréugach a athair,
2 Ar a dtugadar na bráithre do
bhí a Liſtra agus a Nicónium, teiſd
mhaith.
3 Do ghabh fonn Pól an fearſo do
bhreith leis na chuideachda: agus ar na
bhreith leis dó, do thimcheallghearr ſé
é, ar ſon na Niudaidheadh do bhi ann
ſna háitibh ſin: óir do bhí a fhios
aca uile gur Ghréugach a athair.
4 Agus mar do ſhiobhladar ar na
caithreachaibh, tugadar dhóibh ré a
gcoimhéud na hordaighthe do órdui-
gheadar na habſdail agus na ſinnſir do
bhí a Niaruſalém.
5 Uime ſin do bhádar na heaglai-
ſeadha ar na ndaingniughadh ann ſa
chreideamh, agus do bhí a nuimhir ag
méudughadh gach éun lá.
6 Agus ar ngabháil tré Phrigia agus
tré chrích na Galátia dhóibh, do
thoirmiſg an Spiorad náomh íad an
bhríathar do labhairt ſa Náſia.
7 Agus ar dteachd go Míſia dhóibh,
do chuireadar rómpa dul go Bitínia:
achd níor fhulaing Spiorad Iósa
dhóibh.
8 Ar a nadhbharſin ar ngabháil
tré Mhiſia dhóibh, do chúadar ſíos go
Tróas.
9 Agus do chonncas do Phól a
dtaidhbhſi ſa noidhche, duine áirighe ó
Mhacedónia na ſheaſamh, dá ghuidhe,
agus ag rádh; Tárr go Macedónia,
agus tabhuir cabhuir dhúinne.
10 Agus mar do chonnuirc ſé an
taidhbhſi, do ſhantuigheamar ar an
mball dul go Macedónia; óir do thuigea-
mur gur bhé an Tighearna do ghoir ſinn
chum an tſoiſgéil do ſheanmóir dhóibh.
11 Uime ſin ag ſeóladh dhúinn ó
Throás tangamar go díreach go Samo-
trácia, agus lá ar na mhárach go Neá-
pólis.
12 Agus as ſin go Philippi príomh-
chathuir na coda ſin don Mhace-
dónia, agus colamhuin. Agus dfana-
mur ann ſa chathruigh ſin ſuim áirighe
do laethibh.
13 Agus do chúamur a mach as an
gcathruigh lá na ſábbaide chois a ſrotha
mar a ngnàthuighthí urnaighe do dhéu-
namh: Agus ar ſuidhe dhúinn ann ſin,
do labhramur ré mnàibh do bhí ar
gcruinniughadh ann.
14 Agus bean áirighe dár bhainm
Lídia, reacadóir purpuir a gcathruigh
na

na Dtiatírach, noch do onóruigheadh
Día, déiſd ſí rinn: Ag ar oſguil an Ti-
ghearna a croidhe chum aire do tha-
bhairt do na neithibh a dubhairt Pól.
15 Agus ar ngabháil bhaiſdidh dhi
féin agus do luchd a tighe, do ghuidh
ſí [ſinn,] ag rádh! Má mheaſdáoi go
bhfuilim díleas don Tighearna, tigidh
do dhéunamh comhnuidhe dom thigh.
Agus do choimhéigin ſí ſinn.
16 Agus tárla ag dul dúinn do dhéu-
namh urnaighe, go dtárla cailín áirighe
orainn agá raibh ſpiorad faiſdine, fúair
ſochaltus mór dá tighearnuibh féin lé
faiſdine do dhéunamh.
17 Do lean ſí ſo Pól agus ſinne, agus
do éigh ſí ag radh; Is ſeirbhíſigh don
Día ro árd na dáoineſi, noch fhoil-
ſighios dáoibh ſlighe na ſláinte.
18 Agus do rinne ſí ſo mórán do
láethibh: achd do ghoill ſin ar Phól,
agus dfill ſé air ais, agus a dubhairt
ſé ris a ſpiorud: Aithnighim dhiot a
nainm Íóſa Críoſd teachd amach aiſde.
Agus ar a núair ſin do imthigh an
ſpiorad aiſde.
19 Agus an tan do chunncadar a ti-
ghearnuidheſi gur imthigh muinighin a
ſochaltuis féin, do chuireadar lámh a
Pól, agus a Sílas, & rugadar léó don
mhargadh íad chum na núachdarán.
20 Agus ar na dtairgſin do na
húachdaránuibh, a dubhradar; Búaidhrid
na dáoineſi ar gcathuirne, óir is dón
chineadh Júdaidhe íad.
21 Agus múinid ſíad órduighe nach
dleiſdeanach dhúinne do ghabháil, na do
choimhéad, dó bhrígh gurRomhánuigh ſinn
22 Agus do éiridh an pobal a náoin-
feachd na naghuidh: agus ar réubadh
a néaduigheadh do na hoifigibh, do áith-
neadar gabháil do ſhlatuibh [orrtha.]
23 Agus ar ngabháil orrtha go ro-
mhór dhóibh, do chuireadar a bpríoſún
[íad,] dá áithne dfear coimhéuda an
phríoſúin a gcoimhéud go ró dhaingean.
24 Agus ar bhfagháil na háithne ſin
dóſan, do theilg ſé íad ann ſá phrío-
ſún dob fhaide a ſteach, agus do
dhaingnigh ſé a gcoſa a gceap.
25 Agus a dtimcheall mheadhóin
oidhche ar ndeunamh urnaighe do Phól
agus do Shilas, do chanadar ſalm dadh-
mholadh Dé: agus do chúaladar na
príoſúnuigh íad.
26 Agus go hobann do éirigh crith
mór talmhun ann, a gcruth go raibh
fundiment an phríoſúin ar bogadh:
agus ar an mball do bhádar na doirrſi
uile oſguilti, agus a ngeimhleacha uile
ſgaoilte.
27 Agus ar múſgladh do choimhéu-
daidhe an phríoſúin, agus ar bhfaicſin
doirſeadh an phríoſúin oſguilte dhó, ar
dtarruing a chloidhimh amach, do ſmúain
ſé é féin do mharbhadh, [óir] do ſháoil
ſé gur éulóigheadar na braighde:
28 Achd do éigh Pól do ghuth mhór,
ag rádh; Na déuna olc ar bith dhuit
féin: óir atamaóidne uile ann ſo.
29 Agus ar ngairm ar ſholus dóſan,
do ſháith ſé a ſteach, agus ar mbeith
dhó ar coimhchrith, do thuit ſé ſíos a
bhfiadhnuiſe Phóil agus Shílais.
30 Agus ar na mbreith leis amach
dhó, a dubhairt ſé: A mhaighiſdrighe,
créd chaithfeas miſi dheunamh do chum
go ſlainéochtháoi mé?
31 Agus a dubhradarſan: Creid ann
ſa Tighearna Íóſa Críoſd, agus ſláin-
eochthar thú féin agus do thigh.
32 Agus do rinneadar bríathar an
Tighearna do ſheanmóir dhó féin agus
dá raibh ann a thigh uile.
33 Agus a nuair ſin féin do noidh-
che do ghlac ſé iad, agus do nigh ſé
a ccréachda: & ar an mball do ghlac ſé
féin agus a thigh uile baiſdeadh.
34 Agus ar na mbreith leis dó dhá
thigh féin, do chuir ſé bórd na bhfiadh-
nuiſi, agus do rinne ſé gáirdeachus, é
féin agus a thigh uile ag creideamh a
Ndía.
35 Achd ar néirghe don lá do chuir-
eadar na húachdaráin máoir úatha dá
rádh; Léig na daóine ſin amach.
36 Agus dinnis coimhéuduidhe an
phríoſúin na bríathraſo do Phól, gur chuir-
eadar na húachdaráin ſios úatha bhur
léigean amach: uime ſin ſiobhluidh ro-
mhuibh a nois, & imthighidh a ſíothchain.
37 Achd do fhreaguir Pól dóibhſean;
Tar éis gabháil oruinn go puiblidhe, &
ſinn neimhchiontach, agus ar Rómhana-
chuibh, do theilgeadar a bpríoſún ſinn, &
an né budh áil léo a nois ar gcur amach
ós íſeal? ní headh go fírinneach: achd
teaguid féin, agus beirid amach ſinn.
38 Agus dinnſeadar na maóir na
bríathraſo do na húachdaránuibh: agus
do ghabh eagla íadſan an tan do chúala-
dar gur Rómhánuigh íad.
39 Agus ar dteachd dóibh do chui-
readar impidhe orrtha, agus ar na
dtabhuirt amach, do guidheadar íad ſá
imtheachd amach as an gcathruidh.
40 Agus ar nimtheachd as an bpríoſún
dóibhſion, do chúadar a ſteach go
Lídia, agus ar bhfaicſin na mbráthar,
tugadar comhfhurtachd dóibh, agus do
imthigheadar rompa.

C A I B. XVII.

*Do ſheanmóruigh Pól an Soiſgeul ag Teſ-
ſalonica, 15 & ag Cathair na Haithne.*

AGus ar nimtheachd tré Amphipolis
agus tré Apollonia dhóibh, tangadar
go Teſſalónica mar a raibh ſinagóg ag
na Júduidhibh.
2 Agus mar bá gnáth ré Pól, do
chúaidh ſé a ſteach chuca, agus do rinne
ſé díoſbóireachd ríu as na ſgriobtúiribh,
ar feadh thrí lá ſábbaide,
3 Ag míniughadh agus ag dearbhu-
ghadh gur bheigin do Chríoſd fulang,
agus éirghe a rís ó mharbhuibh: agus
gur ab é ſo Críoſd, an Tíoſa do nim-
ſi ſheanmóir dháoibh. 4 Agus

4 Agus do chreideadar cuid áirighe
dhíobh ;. agus do leanadar do Phól agus
do Shílas, agus mar an gcéadna mórán
do Ghréugachaibh cráibtheach, agus do
mhnáibh uáisle.
5 Achd do ghabh iomthnúdh na Júdai-
dhe nár chreid, & ag cruinnighadh
dhrochdháoine airighe & chorra-mar-
guidh do rinneadar cuideachda mhór, &
tangadar a dtimcheall tighe Iásóin ag
íarruidh íadsan do thabhairt amach
chum an phobuil.
6 Agus an tan nach bhfúaradar íad-
san, do thairngeadar Jáson, agus cuid
áirighe dona bráithribh chum úachdarán
na caithreach, ag éighmhe ; Iad so do
chuir an saoghal bun as cionn, thangadar
ann so mar an ccéadna.
7 Noch dhá dtug Jáson áoidheachd : &
atáid síad uile ag cur a naghuidh ór-
duighthe Shéasair, ag rádh, Go bhfuil Rí
eile ann [eadhon] Jósa.
8 Agus do bhuáidhreadar an pobal &
úachdaráin na caithreach, ar gclos na
neitheadhso dhóibh.
9 Agus ar ngabháil urraidhe ó Jáson
agus ón cuid eile, do léigeadar úatha iad.
10 Agus ar an mball do chuireadar na
bráithre sa noidhche úathadh Pól, agus
Silas go Beréa : agus ar dteachd dóibh
[ann sin,] do chúadar a steach go sina-
góig na Niuduidhe.
11 Agus dob uáisle na Hiuduidhe sin,
na an mhuintir do bhí a Dtessalonica,
agus do ghabhadar an bhríathar go ro
lúthgháireach chuca, ag cúartughadh na
sgríobtúireadh gach éun lá, dá fhéuchuin
an mar sin do bhádar na neithesin.
12 Uime sin do chreideadar mórán
díobh, agus mar an gcéudna mórán
ban úasal do na Gréugachuibh, & fear
leis.
13 Agus an tan do fuáir na Júdaidhe
do bhí a Dtessalonica, fios go ndearna
Pól bríathar Dé sheanmóir ag Beréa
leis, do chúadar ann sin mar an gcéudna
do chur buáidheartha ar an bpobal.
14 Achd do chuireadar na bráithre
Pól úatha ar an mball, amhail as go
rachadh sé ar fairge, achd dfan Silas
agus Timotéus ann sin na gcomhnuidhe.
15 Agus an chuideachda dó chuáidh
lé Pól, do thréoraigheadar é go [cathuir]
na Haithne : agus ar bhfagháil áithne
dhóibh chum Silais agus Thimotéus, do
chum go dtiocfaidís mar is luáithe
do fhéudfaidís chuige, dimthigheadar
rompa.
16 Achd ar mbeith do Phól ag fui-
reach ríusan a ccathair na Haithne, do
bhí a spiorad air na bhuaidhreadh ann,
tré go bhfacuidh sé an chathuir lán dío-
dhaladhradh.
17 Ar a nadhbharsin do rinne sé
díosbóireachd ann sa tsíonagóig ris na
Júduighibh, agus ris na dáoinibh ríaghal-
ta, agus ré gach áon dá dteagmhadh
dhó ar an margadh gach éun lá.

18 Agus do rinneadar fealltamhnach-
ghe áirighe do na Hepicúrachuibh agus
dona Stoicibh, connspóid ris : agus
dubhradar cuid dhíobh, Créd as áil
leis an bhfear mbriosgghlórachso do
rádh ? Agus [a dubhradar] cuid eile,
As cosmhuil ris bheith na sheanmónta-
dhe ar Dhéeibh coimhightheacha, tr
son gur sheanmóir sé Jósa agus a neise-
ghe dhóibh.
19 Agus ar mbreith air, rugadar go
Hareopágus é, ag rádh : An bhféudmáoid
a fhios dfagháil créd é an teagasg
núa so labhrus tusa ?
20 Oír atá tú ag cur neitheadh nu-
airighe ann ar gcluasuibhsne ; ar a nadh-
bharsin as mían linn a fhios dfagháil
créd as cíall doibh.
21 (Oír ni raibh aire ar ní ar bith
eile ag luchd chathair na Haithne, agus
ag coimhthighe tháinig dáitreabhadh na
mealg, achd ar nuáidhéachd éigin do
nisin, nó déisdeachd.)
22 Agus ar seasadh do Phól a mea-
dhón Areopágus a dubhairt sé ; A luchd
chathair na Haithne, do chím go bhfuil
go huilidhe ródhíthcheallach a níodhal-
adhradh.
23 Oír an tan do shiobhail mé ó áit
go háit, agus do chunnairc mé bhur
neithe náomhtha, fuáir mé altóir áiri-
ghe ann a raibh sgríobhtha, DON
DIA ANAITHNIDH. Ar a nadhbhar-
sin as é an Día sin onórtháoi, as gan
a fhios aguibh cía hé, atáimsi do shean-
móir dhíbh.
24 Oír ní dhéanann an Día do rinne
an domhan, agus gach uile ní dhá bhfuil
ann, ar mbeith dhó na Thighearna ar
neamh agus talamh, comhnuidhe a
dteampluibh láimhdhéanta.
25 Agus fós ní tugthar onóir dhó le
lamhuibh dáoine, mar do bhíadh ríachda-
nus éinneithe air, óir is é féin do bheir
beatha, agus anál, agus gach uile ní,
do na huile neithibh.
26 Agus do rinne sé a nuile chenél
dáoine déunfhuil amháin, do chum go
náitéochaidís ar druim na talmhan uile,
agus do chinn sé aimseara reumhórdui-
ghe, agus tóranna a náitreabhaidhsan :
27 Do chum go niarrfaidís an Ti-
ghearna, dá madh éidir léo a fhaghail
ré a ghlacadh : gé nach fada ó gach
duine aguinn é.
28 Oír is annsan mhairmid, & cor-
ruighemíd, agus atámáoid : do réir mar
a dubhradar cuid dá bhur bhfileadhuibh-
si ; Oír is dá chinéulsan fós sinn.
29 Ar a nadhbharsin ar mbeith dhúinn
do chinéul Dé, ní cóir dhúinn a bhreath-
nughadh gur cosmhuil an diaghacht
ré hór, ná ré hairgead, ná ré cloich
ar na grabháil lé healuidhin nó lé hinnt-
leachd dháonda.
30 Uime sin ar léigean aimseara a
nainbhfisi thairis do Dhia, do bheir sé
a nois fúagra do uile dhuine ann
gach

gach ionait aithreachus do dhéunamh.
31 Ar a nadhbhar gur órduigh ſé lá
a a mbéura ſé breath chomhthrom
ar a tſáoghal, tres an bhfear úd do
órduigh ſé : [agus] mar dhearbhadh ar
ſi do nuile dhuine, do thóg ſé ſúas ó
mharbhuibh é.
32 Achd an tan do chúaladarſan eiſ-
éirghe na marbh, do rinneadar cuid
díobh fonámhad, achd a dubhradar cuid
eile, Eiſdſeam ríot a rís dhá tháobh ſo.
33 Agus as mar ſin do imthigh Pól
amach as a lár.
34 Achd cuid aca ag céangal ris, do
chreideadar : eidir a raibh Dioniſius
Areopagíta, agus bean dár bhainm Da-
maris, agus dream eile maille ríu.

C A I B. XVIII.

Chuaidh Pòl ar chuairt dfhioſrughadh na Neagluiſe. 24 & theagaiſc Acuila le na mhnaoi an Soiſgeul Dapollos ni is ſoillier.

TAr éiſi ſo ar bhfagbháil chathair
na Haithne do Phól, táinic ſé go
Corintus.
2 Agus fuáir ſé Júdaidhe áirighe ann
ſin dar bhainm Acuilas noch rugadh
a Bpontus, táinic go déigheanach ó
Nadáille, é féin agus a bhean Priſcil-
la, (ar a nadhbhur gur aithin Claudius
do na Júduidhibh uile imtheachd as a
Rámh) [agus] do chuáidh ſé dhá nionn-
ſaighe.
3 Agus do bhrígh go raibh ſé dáoin-
cheird ríu, dfan ſé na bhfochair, agus
do bhí ſé ag obair : óir a ſeadh bá ceird
dhóibh pailliúin do dhéunamh.
4 Agus do níodh ſé diosbóireachd ſa
tſinagóig gach éun lá ſabbóide, ionnus
gur tharruing ſé na Iúduidhe agus na
Gréuguidh, ar a ſdaid féin.
5 Agus mar tháinic Silas agus Timo-
teus o Mhacedónia, do las Pól an a
ſpioruid, ag déunamh fínnè do na Jú-
duidhibh gur bhé Ióſa an Críoſd.
6 Agus an tráth do chuireadarſan na
aghuidh, agus do labhradar blaſphéime,
ar gcrothadh a éudaigh dhóſan a du-
bhairt ſé ríu ; [Bíodh] bhur bhfuil ar
bhur gceann féin : atáimſi glan, ó ſo
ſuas rachuidh mé chum na gcineadhach.
7 Agus ar nimtheachd dó as ſin, do
chuáidh ſé go tigh dhuine áirighe dár
bhainm Iuſtus, duine air a raibh eagla
Dé, agus agá raibh a thigh láimh ris
a tſionagóig.
8 Agus do chreid Criſpus úachdarán
na ſinagóige, maille ré luchd a thighe
uile ann ſa Tighearna : agus mórán do
na Corintianachuibh ag éiſdeachd ris,
do chreideadar, agus do baiſdeadh íad.
9 Agus a dubhairt an Thighearna ſa
naidhche a dtaidhbhſi ré Pól ; Na bíodh
eagla ort, achd labhuir, agus na bí ad
thochd :
10 Oír atáimſi maille ríot, agus ní
déanfa duine ar bith ort do dhéunamh
uile dhuit : óir atá pobal mór agamſa an
ſa chathraigh ſo.
11 Agus dfan ſeiſean bliadhuin agus
ſé mhí, ag teaguſg bhréithre Dé na
measg.
12 Agus an tráth do bhí Gallio na
úachdarán a Nachaia, do éirgheadar na
Iuduidhe déuntoil a naghuidh Phóil, &
rugadar go cathaóir an bhreitheamh-
nuis é,
13 Ag rádh, Táirrngidh an fear ſo lé
na bhriathraibh na daoine, chum Dé
onorughadh a naghaidh an dlighe.
14 Agus an tan do ſhantuigh Pól a
bhéul doſgladh, a dubhairt Gallio ris
na Iûduidhibh ; Dá madh éagcoir ar bith
nó droch ghníomh é, budh cóir go niom-
chóruinn libh.
15 Gidheadh más a dtimcheall bhría-
thar, agus anmann, & bhur ndlighe atá
bhur gceiſd, féuchuidh féin dó : óir ní
háill leamſa bheith am breitheamh ar a
leitheid ſin do neithibh.
16 Agus do chuir ſé ón chathaóir
bhreitheamhnuis íad.
17 Ann ſin ar mbreith do na Gréu-
gachuibh uile ar Shoſtenes úachdarán na
ſinagóige, do ghabhadar air a bhfíadh-
nuiſi chatháoireach an bhreitheamhnuis :
achd níor chuir Gallio ſuim a ní ar
bith do na neithibhſin.
18 Achd tair éis Pól fhuireach fós
mórán do láethibh, do ghlac ſé a chead
ag na bráithribh, agus do chuáidh ſé a
luing go Síria, agus do chuáidh Priſcil-
la agus Acuilas leis, tar éis a chinn do
bhearradh dhó a Gcénchreas : óir do
bhí móidghealladh air.
19 Agus táinic ſé go Hépheſus, agus
dfág ſé ann ſin iad, gidheadh do chuáidh
ſé féin a ſteach don tſinagóig, agus
do thaguir ſé ris na Iúduidhibh.
20 Agus an tan díarradar air fui-
reach na bhfochair ní as faide, níor
áontaigh ſeiſean.
21 Achd dfág beannachd aca, ag
rádh ; Is éigin dámhſa go deimhin an
tſollomuin ſo chugainn do dhéunamh a
Niaruſalém : achd más toil lé Dia é,
fillfidh mé chuguibhſi a rís. Agus do
ſheól ſé ò Epheſus.
22 Agus ar ndul dó ſíos go Séaſa-
réa, do chuáidh ſé ſuas agus ar mbean-
nughadh do neagluis dó, do chuáidh ſé
ſíos go Hantiochia.
23 Agus ar nfanmhuin dó ar feadh
tamuill, do imthigh ſé roimhe, agus do
ſhiobhuil ſé a nórdughadh ar feadh chrí-
che na Galátia, agus Phrígia, ag near-
tughadh na ndeiſciobal uile.
24 Agus táinig Iúdaighe áirighe go
Hepheſus dár bhainm Apollos, rugadh
a Nalexándria, fear deaghlabhartha do
bhí cumhachdach ann ſna ſgríobtúiribh.
25 Do bhí an fear ſo ar na theaguſg
a ſlighe an Tighearna, agus ar mbeith
dhó ar fiuchadh ſa ſpioruid, do labhuir,
agus do theaguiſg ſé go díthcheallach

neithe

neithe a dtimcheall an Tíghearna, agus
gan déolus aige achd baisdeadh Eoin
amháin.
26 Agus do thionnsgain sé labhuirt go
dána ann sa tsinagóig. Agus an tráth
do chúaluidh Acuilas agus Priscilla é,
rugadar léo chuca féin é, agus dfoilli-
sigheadar slighe an Tighearna dhó ní
as diongmhála.
27 Agus an tan do báil leis dul go
Hachaia, do sgríobhadar na bráithre
chum na ndeisciobal, dá mbrosdadh air
eision do ghabhail chuca: agus ar
dteachd dhó [ann sin,] tug sé furtachd
mór don líon do chreid tré ghrásuibh.
28 Oír do rinne sé diosbóireachd
mhór shaoithreach a bhfiadhnuisi an pho-
buil ris na Iúduighibh, dá fhoillsiu-
ghadh as na sgríobtúiribh gur bé Iósa,
an Críosd.

CAIB. XIX.

Leabhair na ndraói ar na losgadh, 35 & do chiúnaigh cleireach na Hephesuis buaidhreadh a phobail ioma cheard chumtha na niodhal.

AGus tárla a nuáir do bhí Apol-
los a Gcorintus, gur shiobhail Pól
treas na rannuibh úachdarácha, agus
go dtáinic sé go Hephesus: agus ar
bhfaghail dheisciobal airighe dhó,
2 A dubhairt sé ríu; Nar ghabha-
bhuir an Spiorad náomh ó chreideabhair?
agus a dubhradarsan ris; Ní chualamar
a noiread sin féin go bhfuil Spiorad
náomh ann.
3 Agus a dubhairt seision ríu; Ma-
seadh créd ann ar baisdeadh sibh? agus
a dubhradarsan, A mbaisdeadh Eóin.
4 Agus a dubhairt Pól; Go deimhin
do bhaisd Eóin lé baisdeadh na haith-
righe, ag rádh ris an bpobal, creideamh
ann sa té do thiocfadh na dhiáigh féin,
eadhon a Nïosa Críosd.
5 Agus ar na chlos so dhóibhsion,
do ghabhadar baisdeadh chuca a nainm
an Tighearna Iósa.
6 Agus ar gcur a lámh do Phól orr-
tha, tháinic an Spiorad náomh orrtha,
agus do labhradar lé teangthuibh, agus
do rinneadar fáidheadoireachd.
7 Agus do bhádar uile a dtimcheall
dá fhear dhéug.
8 Agus ar ndul dósan a steach don
tsinagóig, do labhuir sé go dána, ar
feadh thrí mios ag diosbóireachd, agus
ag cruthughadh na neitheann bheanus
re rioghachd Dé.
9 Achd an tráth do chruaidhgheadar
dream aca, agus nach ccreidfidís, ach
go labhraidís go holc ar a tslighe sin
a bhfhiadhnuisi an phobuil, do imthigh
Pól úatha, agus do dhealuigh sé na deis-
ciobail, agus do bhíodh sé ag diosbói-
reachd gach éunlá a sgoil dhuine áiri-
ghe [dár bhainm] Tirannus.
10 Agus do bhí so dhá dhéunamh
ar feadh dhá bhliadhan: a gcruth go
gcúaladar a raibh ann sa Naisia uile,
eidir Iúduidhe agus Ghréugach, bríathar
an Tighearna Iósa.
11 Agus as mór na míorbhuile do
rinne Día tré lámhuibh Phóil.
12 A gcruth go mbeirthí ó na chorp
éudaighe lámh nó cinn, chum na ndáoine
dtinn, agus go sgaradh a neasláinte riu,
agus go nimthighdis drochspioruide as
da.
13 Agus dream áirighe do na Iúda-
dhibh do bhíodh ag siobhal ó áit go háit
ag cur spiorad fá gheasuibh, do chuirea-
dar rompa ainm an Tighearna Iósa do
ghairm ós cionn na ndáoine ann a mbíodh
drochspioruda, ag rádh; Cuirmid fá
gheasuibh sibh tré Iósa do ní Pól a shea-
moir.
14 Agus do bhádar móirsheisear mac
ag Iúdaighe áirighe [dár bhainm] Sceua
uachdarán na sagart, noch do niodh sin.
15 Achd ar bhfreagra don drochspio-
raid, a dubhairt sé ríu; Atá éolus ar Iósa
sa agam, agus as aithne dhamh Pól;
gidheadh cia sibhsi?
16 Agus do shaith an duine ann a raibh
an drochspiorad orrtha, agus ar na
gcláoi dhó do bhuadhuigh sé orrtha, a
gcruth gur theitheadar créuchdach lom-
nochd as an dtigh sin.
17 Agus súaradar na Iúduighe agus na
Greuguigh uile do áitrigh a Nephesus an
sgéula so: agus do ghabh eagla iad uile,
Agus do hoirrdhearcadh ainm an Ti-
ghearna Iósa.
18 Agus tangadar mórán don mhuinn-
tir do chreid, ag admháil, agus ag in-
nisin a ngníomharthadh féin.
19 Agus fós mórán don mhuinntir do
ghnáthuigheadh drochealadhna, tugadar
a leabhuir léo, agus do dhóigheadar a
bhfiadhnuisi cháich uile iad: agus do
chomháirmheadar a lúach, agus fúara-
dar é na dheich míle agus dá fhichead
[piosa] airgid.
20 Do fhás bríathar Dé, agus rug sí
búaidh chomhláidir sin.
21 Agus ar gcríochnughadh na ne-
itheadhsa, do chuir Pól roimhe ann in-
tinn tar éis dul tré Mhacedónia & A-
chaia dhó, dul go Hiarusalém, ag rádh;
Tar éis mé bheith ann sin, as éigin
damh an Róimh fheachain.
22 Agus ar gcur dheisi don mhuinntir
do bhíodh ag minisdralachd dó, [eadhon]
Timotéus agus Erastus don Mhacedó-
nia, dfan sé féin sa Násia ar feadh ta-
muill.
23 Agus fá namsin déirigh tríoblóid
nár bheag a dtimcheall shlighe [an
Tighearna.]
24 Oir do bhí ceard airgid áirighe dár
bhainm Demétrius, do níodh teampuil
airgid do Dhíana, [agus] fúair sáth-
tus nar bheag don luchd céirde.
25 Ar gcruinniughadh dhósan a muin-
ré na leithéid sin do cheird, a du-
bhairt sé ríu: A dháoine, atá a fhios
aguibh gur leis an gcéirdse do gheibh-
midne ar sochar.
26 Agus do chíthí, agus do chluintí
gur

gur fhill an Pólsa lé na bhriathraibh
pobal mór, ni hé amháin a Nephesus
achd fós beag nach sa Násia uile, ag rádh;
Nach Dée iad do nithear lé lámhuibh.
27 Agus ni hí ar gcéird amháin as
baoghal dúinn do theachd chum masla, achd
fós teampall na Baindée móire Díana do
bhí a dtarcuisne, agus go dtiocfadh chum
criche go gcuirfi ar gcúl a morrdhachd-
sa, noch onóruigheas a Násia, agus an
domhan mór uile.
28 Agus ar na chlos so dhóibhsion, do
líonadh iad dfeirg, agus do gháireadar
ag rádh; [Is] mór Díana na Nephé-
siánach.
29 Agus do bhí an chathuir uile ar
na líonadh do bhuáidhreadh, agus do
thiomáineadar déuntoil go háit chruin-
nighthe an phobail, agus rugadar ar
Ghaius, agus ar Arisdarcus Macedónaigh,
companaighe Phóil.
30 Agus ar na fhantughadh do Phól
dul a steach a measg an phobuil, níor
léigeadar na deisciobail dó.
31 Agus mar an gcédna do chuireadar
cuid áirighe dúachdaranuibh na Hásia
do bhí na gcáirdibh aige teachda chui-
ge, dá iarruidh air gan dul go háit
chruinnighthe an pobuil.
32 Uime sin do éigh cuid díobh an
ní, agus cuid ní eile: óir do bhí an
comhthionól buáidheartha, & ní raibh
a fhios ag an gcuid ba mo dhíobh,
Créd é an tadhbhar fá a dtangadar a
gceann a chéile.
33 Agus rugadár amach ríu as a
sluagh Alexanndar, noch do thiomáil-
eadar na Júduighe rompa. Agus ar
ttógbháil Dhalexanndar lé na láimh ag
iarruidh éisdeachda, dob áill leis an
tadhbhar dinnisin don phobal.
34 Agus an tan do aithnigheadar gur
Júduighe é, do thógbhadar uile gáir, ag
éighmhe a dtimcheall dhá uáir, Is mór
Díana na Nephésianach.
35 Ann sin do chiunaidh an cléireach
an pobal, ag rádh; A luchd Ephesus, cía
an duine ag nach bhfuil a fhios go no-
onóruigheann cathair na Nephésianach
an Bhaindía mhór Díana, agus a ní
tháinic a núas ó Iubiter?
36 Ar a nadhbharsin ó nach bhféu-
dann duine ar bith cur na aghuidh so,
is cóir dhíbhsi suaimhneas do dhéunamh,
agus gan éinní dhéunamh go hobann.
37 Óir tugabhuir na dáoinesi libh,
nach ar ghoid áoinní as na heagluisibh,
& nach dtug aithis do bhur mbaindía.
38 Ar a nadhbharsin má atá adhbhar
ag Demétrius agus ag luchd a cheirde
ar na fhochuir ar dhuine ar bith, atá
an chúirt ar buil, agus ataid na huachda-
ráin ann; éilighidis féin a chéile:
39 Achd má atá bhur gceisd fá adh-
bharuibh eile, réidhfidhear í a gcoimh-
thionól dlisdeanach.
40 Óir atámaoid a ngábhadh go
ndéileochthar sinn a ceanndairce, ar son an
láoi a niugh, óir ní bhfuil adhbhar ar
bith ann a bhféudmaid reusún do tha-
bhuirt ar son an chruinnighesi. Agus an
tan a dubhairt sé so, do chuir sé an
choimhthionól air siubhal.

C A I B. XX.

Pol ar togbhail Eutichus on bhás, 17 & ar gairm sinnsear na Hephesuis go Miletum, chuir sé tréd Dé mur ualach uirrthe, & ghabh cead dibh.

AGus tar éis na ceandairce do chosg,
do ghoir Pól na deisciobail chuige,
agus air ngabháil a cheada ríu, do thriall
sé dul úatha go Macedónia.
2 Agus ar ndul trés na críochuibhsin
dó, agus ar na dteagusg lé hiomad bria-
thar, táinic sé don Ghréig.
3 Agus ar mbeith dhó trí mhí [ann
sin,] ar gcur luigheacháin do na Iúdai-
ghibh air, mar do bhí faoi dul a luing
go Síria, do chuir sé roimhe filleadh tar
a ais go Macedónia.
4 Agus do chuáidh ris na chuideachda
gus a Násia, Sopater ó Bheréa: agus
do luchd Tessalónica, Arisdarchus agus
Secundus, agus Gáius ó [chathruigh na]
Deirbe, agus Timotéus: agus do luchd
na Hásia, Tichicus agus Trophimus.
5 Do imthigheadar so romhainne, &
dfanadar rinn a Dtróas:
6 Achd do chúamairne a luing ó Phi-
lippi tar éis láethe a naráin gan laibhín,
agus tangamar chucasan go Tróas a
gcionn chúig lá, agus dfanamar ann
sin ar feadh seachdmhuine.
7 Agus an céud lá don tseachdmhuin
ar gcruinniughadh do na deisciobluibh
a gceann a chéile, do bhriseadh aráin,
do bhrígh go raibh faoi Phól imtheachd
úatha lá ar na mhárach, do rinne sé
seanmóir go meadhón oidhche.
8 Agus do bhádar mórán lóchrann
a séomra árd ann ar chruinnigheadar
a gceann a chéile.
9 Agus do shuidh ógánach áirighe
dár bhainm Eutichus ar fuinneóig air
dtuitim na chodladh go trom, agus ar
mbeith do Phol a bhfad ag déunamh
seanmóra, air na fhárughadh tré chod-
ladh do thuit sé sios ón treas lota,
agus do tógbhadh súas marbh é.
10 Agus ar ndul do Phól sios, do
luigh sé air, agus ar na fhásgadh
ris dó, a dubhairt sé, Na biodh buái-
dhreadh ar bith oruibh; óir atá a
anum ann.
11 Agus ar ndul dó súas, do bhris
sé arán, agus a duáidh sé, agus do rinne
sé comhrádh fada go dtáinic máidin,
dimthigh sé ann sin.
12 Agus tugadarsan an tógánach léo
na bheathuigh, agus níor bheag a
ngáirdeachus.
13 Achd ar ndul a luing dhúinne
do shéolamar go Hassos, ar chor go
mbéuramais Pól linn as. Óir is mar sin
dórduigh

dòrduigh sé é, chum go nimtheachadh sé
féin da chois.
14 Agus a núair tharla sé orúinn a
Nassos, ar na bhreith linn dúinn tanga-
mar go Mitiléne.
15 Agus ag seóladh dháinn as sin, tan-
gamar lá ar na mhárach as comhair
Chiós, agus an lá na dhiáigh tangamar
a dtír a Samos, agus dfanamar a Dtro-
gillium, agus tangamar lá ar na mhá-
rach go Milétum.
16 Oir do chuir Pól roimhe seóladh ré
taobh Ephesus, deagla go gcuirfidhe
moill ar bith air ann sa Násia. Oir do
bhí deithbhir air chum da madh éidir
dhó é, go mbíadh sé a Niarusalém sá
chingcís.
17 Agus ag cur feasa úadha ó Mhi-
létum go Hephesus, do ghoir sé sinnsir
na heagluisi.
18 Agus mar thangadar chuige, a
dubhairt sé riu, Atá a fhios aguibhsi
cionnus do bhí misi bhur bhfochuir ann
gach uile aimsir, ón chéud la tháinic mé
do Násia,
19 Ag déunamh seirbhisi don Tigh-
earna maille ré gach uile umhlachd in-
tinne, agus maille ré morán déur agus ca-
thaighe, noch do éirigh dhamh do
bhrígh chéilge na Niúdaigheadh:
20 Agus nár chongaimh mé ní ar bith
go folaightheach dar fhoghuin, gan a
fhoillsiughadh dhíbh, agus gan bhur
dteagasg go puiblidhe, agus ó thigh
go tigh.
21 Ag déunamh fiadhnuisi do na Iú-
duighibh agus do na Gréugachuibh, sá
fhilleadh chum Dé, a naithrighe agus a
gcreideamh ar Dtighearna Iósa Críosd.
22 Agus féuch a nois, atáim ag dul
go Hiarusalém, ceanguilte a spioruid, gan
a fhios agum créd theigéumhus dhamh
ann:
23 Achd amháin go ndéunann an Spio-
rad naomh fiadhnuisi ann gach uile cha-
thruigh dhamh, ag radh, Go bhfuilid
geimhleacha agus míoshuáimhneas ag fui-
reach riom.
24 Achd ní bhfuil cás agam a néinní,
agus ní bhfuil cion agam ar manum féin,
achd go dtí dhiom mo thuras agus an
miniosdrálachd fuair mé ón Dtighearna
Iósa do choimhlíonadh maille ré gáir-
deachus, ré fiadhnuise dhéunamh do
shoisgéul ghrás Dé.
25 Agus féuch a nois, atá a fhios agam
nach bhfaicfidh éunduine aguibhsi, air
ar shiobhail mé ag seanmóir ríoghachda
Dé, maghaidh ó so amach.
26 Ar a nadhbharsin cuirim a fhia-
dhnuisi oruibhse a niugh, go bhfuilim
glan ó fhuil na nuile dháoine.
27 Oir níor sheachain mé gan comhairle
Dé fhoillsiughadh dhíbh go hiomlán.
28 Ar a nadhbharsin tabhruidh bhur
naire dhíbh féin, & don tréud uile ar
a ndearna an Spiorad naomh easbuig
dhíbh, do bheathughadh eagluise Dé,
noch do cheannaigh sé lé na fhuil féin.
29 Oir atá a fhios so agamsa, tar é...
misi imtheachd, go dtiocfuid madr...
allta ghéura bhur measg, nach coig...
an tréd.
30 Agus fós éireóchuid dáoine d...
féin, noch labhbeórus neithe saobha, ch...
deisciobal do tharrung na ndiaigh.
31 Ar a nadhbharsin déunaidh faire, ...
cuimhnighidh nár sguir misi ar feadh t...
mbliadhan, ag teagusg gach ... d...
do ló agus doidhche maille ré déu...
32 Agus a nois, a bhráithreacha, ...
rim sibh ar cumairce Dé agus bhriath...
ghrás, noch fhéudas bhur dtógbháil ...
agus oighreachd do thabhuirt dibh ...
bhfochair na nuile náomh.
33 Níor shanntaigh mé airgead, ...
ór, ná éudach dhuine ar bhith.
34 Is aithne dhibhsi féin, gur ab ...
na lámhasa do fhrithchair dhamh gach ...
dhá raibh na riachdanus orum féin, ...
ar a raibh am fhochair.
35 Do fhoillsigh mé dhíbh ann ...
huile neithibh, gur ab ag saothrugh...
mar so is cóir dháoibh cungnamh le...
hanbhfannuibh, agus briathra an Tig...
earna Iósa do chuimhniughadh, mar ...
dubhairt sé; Is mó as beannaighe ...
do thabhuirt, ná do ghlacadh.
36 Agus an tan a dubhairt sé na bri...
thraso, agá léigean féin ar a ghlúin...
do rinne ré urnaighe maille riusan ...
37 Ann sin do ghuileadar uile ...
mór, agus ag luighe ar mhuinéul Phói...
do phógadar é:
38 Ag deanamh tuirse go mór ...
fán mbréithir a dubhairt sé; Nách bh...
fidis a aghaidh ó sin súas: agus do ch...
dar leis gus an luing.

CAIB. XXI.

Tairrghire Agabuis iom chuibhreach Phóil, ... neach ar chuireadar lámh a Niárusalém.

AGus tárla ar ndealughadh riusan ...
gur sheólamar romhuinn, agus ...
gamar go díreach go Coos, agus ...
na mhárach go Rhódus, agus as ...
Patara.
2 Agus ar bhfaghail luinge dhúinn
ann sin, do bhí ag triall go Phení...
do chúamar innte, agus do sheólam...
romhainn.
3 Agus ar dteachd a radharc Ci...
pruis, agus ar na fhagbhail air ar lámh
chlí dhúinn, do sheólamar go Siria, agus
tangamar as sin go Tirus: óir as ...
sin bá mián leis an luing a lód ...
chur amach.
4 Agus ar bhfagbháil deisciobal ...
dúinn, dfanamar seachdmhuin ann: ...
dubhradar ré Pól trés an Spioraid, ...
dul súas go Hiarusalém.
5 Agus ar gcríochnughadh na ...
theadh sin, do thriallamar romhainn, ...
& tangadársan uile, agus a mná, ...
gclann inar gcuideachda as an gcath...
amach: agus do leigeamar ar ...
nglúinibh sinn ar an dtraigh, agus ...
rinneamar urnuighe.

6 Ag...

6 Agus tar éis a chéile do phógadh dhúinn, do chúamar ſa luing : & dfilleadarſan dá dtighthibh féin :

7 Agus ar gcríochnughadh ar loingſeoireachda dhúinn, tangamar ó Thírus go Ptolemáis : agus ar mbeannughadh do na bráithribh dhúinn, dfanamar lá na bhfochair.

8 Agus lá ar na mhárach ar nimtheachd dúinn, tangamar go Séaſáreá : agus ar ndul a ſteach dhúinn go tigh Philib ſoiſgéil (noch do bhí don mhóirſheiſear) dfanamar aige.

9 Agus do bhádar ceathrar maighdean dingheanuibh aigeſion, noch do nídh fáidheadóireachd.

10 Agus ag fuireach dúinne morán do láethibh, táinic fáidh áirighe ó thír Júdaighe dár bhainm Agabus :

11 Agus ar dteachd chugainne dhó, do ghlac ſé crios Phóil, agus ag ceangal a lámha agus a chosa féin, a dubhairt ſé ; Mar ſo a deir an Spiorad náomh, is ar an gcorſa cheingéoluid na Júdaidhe an fear lér leis an chrios ſo a Niaruſalém, agus do bhéaruid ſíad a lámhaibh na gcineadhach é.

12 Agus an tan do chúalamar na neitheſi, díarramar féin agus luchd na háite ſin air, gan dul ſúas go Hiaruſalém.

13 Do fhreaguir Pól ann ſin ; Créd do níthe ſibhſi ag gul, & ag briſeadh mo chroidheſi ? óir ataimſi ullamh, ní chum bheith cuibhrighe amháin, achd mar an ceadna chum báis dfulang a Niaruſalém, ar ſon anma an Tighearna Jóſa.

14 Agus an tan nar ghabh ſé comhairle, do ſguireamar, ag rádh ; Déantar toil an Tighearna.

15 Agus tar éis na láetheadhſa, ar mbeith ullamh dhúinn, do chúamar ſúas go Hiaruſalém.

16 Agus tangadar cuid do na deiſciobluibh linn ó Shéaſárea, agus tugadar ſeandoiſciobal áirighe léo dhár bhainm Mnáſon do rugadh a Ciprus, agá mbeimís ar óſda.

17 Agus ar dteachd go Hiaruſalém dhúinn, do ghabhadar na bráithre chuca ſinn go lúathghaireach.

18 Agus lá ar na mhárach do chúaidh Pól maille rinne a ſteach mar a raibh Iácobus, agus do chruinnigheadar na ſinſir uile ann ſin.

19 Agus ar mbeannughadh dhóibh do Phól, dinnis ſé a ndiáigh a chéile, gach ní do rinne Día tré na ſheirbhís ſin a meaſg na gcineadhach.

20 Agus ar na chlos ſo dhóibhſion tugadar glóir don Tighearna, agus a dubhradar ris ; Do chí tuſa a bhráthair a mhéud míle do na Júdaidhibh tháinig chum creidimh ; agus atáid uile lán do ghrádh an reachda.

21 Agus do chúaladar ortſa, go dteagaſgann tú do gach uile Júduighe dá bhfuil a meaſg na gcineadhach Maóiſi do thréigean, agus go nabuir tú nach cóir a mic do thimchealghearradh, na ſiubhal do réir an ghnáthuighe.

22 Ar a nadhbharſin créd [dhéanfuigheár ?] gan amharus as éigin don phobal cruinniughadh a gceann a chéile : óir cluinfid ſiad go dtáinic tuſa.

23 Ar a nadhbharſin déun an niſi a deirmídne riot : atáid ceathrar fear aguinne, air a bhfuil móid :

24 Beir iad ſo leachd. & glantar thú maille ríu, & caith léo ionnus go mbearrfaidís a gcinn, & aithéonaidh gach uile dhuine nach bhfuil éiſeachd ann ar cuireadh ort, achd go ſiobhlann tú féin ag coimhéud an reachda.

25 Achd a dtáobh ar chreid do na cineadhachuibh do ſgríobhamairne, & dórdaigheamar dhóibh gan a leithéid ſin do ghnáthughadh, achd amháin iad féin do choimhéd ó gach ní iodhbarthar díodhaluibh agus ó fhuil, & ó neithibh teachduighe, agus ó ſdríopachas.

26 Ann ſin rug Pól na fir leis, agus ar na mhárach, ar na ghlanadh maille ríu do chuáidh ſé don teampoll, ag foillſiughadh choimhlíonta láetheadh an ghlanta ſin, nó go dtúgtháoi ofráil ar ſon gach áonduine aca.

27 Agus tar éis na ſeachd lá ſin do choimhlíonadh achd beag, do chunncadar na Iúdaighe ó Náſia eiſean ann ſa teampoll, agus do bhogadar an phobal uile, agus chuireadar lamha ann ſan.

28 Ag éighmhe, cobhair a Chlanna Iſráel : a ſé ſo an fear theaguiſgeas an gach uile áit a naghuidh an phobuil, & an reachda, & na háiteſi : & tuilleadh eile fós tug ſé Gréuguigh a ſteach don teampoll, & do ſhaluigh ſé a nait náomhthaſa.

29 (Oír do chunncadar Trophimus Epheſianach na fhochuirſean ſa chathraigh roimhe ſin, noch do ſhaoileadar go dtug Pól chum a teampuill é.

30 Uime ſin do bhuáidhreadh an chathuir uile, agus do rith an pobal a gceann a chéile : & ar mbreith air Phól dóibh do thairngeadar amach as a teampoll é : agus ar an mball do híadhadh na doirſi.

31 Agus an tan do bhreathnuigheadar a mharbhadh, táinic ſgéula go hárdchaiptin an bhanna, go raibh Iaruſalém uile ar na buáidhreadh :

32 Agus ar an mball rug ſeiſean ſaighdiúirighe & caiptínighe leis, & do rith ſé chucaſan. Agus an tan do chunncadarſan an túachdarán & na ſaighdiúiri, do ſguireadar do ghabháil ar Phól.

33 Ann ſin ar ndrud ris do núachdarán, rug ſé air, agus daithin ſé a cheangal lé dhá ſhlabhradh : & dfiafruigh ſé Cia hé, & créd do rinne ſé.

34 Agus do éigh cuid mar ſo, agus cuid mar ſúd a meaſg an phobail : agus mar nár bhéidir leiſion deimhin ſgéul dfagháil do bhrígh na buáidheartha,

daithin

daithin sé eisean do bhreith don chais-
léun.
35 Agus tárla ar dteachd do Phól
chum a sdaighre, gur iomchradar na
saighdúiirighe é air son foiréigin an
phobail.
36 Oir do lean mórán don phobal é,
ag éighmhe; Beir uainn é.
37 Agus an tráth do bhí Pól dá
bhreith a steach don chaisléun, a du-
bhairt sé ris a núachdarán; An cead-
uigheach dhamh ní labhuirt riot? agus
a dubhairt seision, An labhrann tú
Gréigis?
38 An né nach tusa an Téigipteach do
thóg ceannairrce mhór roimhe so, & do
threóruigh ceithre mhíle fear do luchd
fionghoile leachd ar an bhfásach?
39 Agus a dubhairt Pól; Gan amharus
as Iúdaighe misi, ó chathruigh ro oir-
dheirc Tharsus na Cilícia: & guidhim
thusa, fulaing dhamh labhuirt ris an
bpobal.
40 Agus an tan tug sé cead dó: ar
seasamh do Phól ar a sdaighre, do sméid
sé lé na láimh ar an bpobal, ag iarraidh
éisdeachda: & ar ndéanamh ciunuis
mhóir dhóibh, do labhuir sé sa teanguidh
Eabhra riu, ag radh;

CAIB. XXII.

Aithris ar thús beathaidh, 6 Filleadh, 14 urleisgeul, 25 & saoirse Phóil mar Rómhanach.

A Dháoine, a bhráithreacha, agus a
aithre; éisdigh a nois rém fhaoradhsa
dháoibh.
2 (Agus an tan do chúaladar gur sa
teanguidh eabhra do labhair sé ríu, as
móide do rinneadar ciunus é. Agus a
dubhairt seisean,)
3 As Iúdaighe misi gan amharus, ru-
gadh a Dtarsus na Cilicia, gidheadh as
ann sa chathruighsi ag cosaibh Ghama-
liel do hoileadh mé, agus do múineadh go
diongmhála a ndligheadh ar naithreadh
mé, & do bhí mé ar lasadh go ghrádh
Dé, amhail & atatháoisi uile a niu.
4 Agus do bhí mé ag gérleanmhuin na
sligheadhso gus an mbás, ag ceangal
fhear agus bhan, agus dá dtarraing
chum priosúin.
5 Mar do ní uachdarán na sagurt fós
fiadhnuisi dhamh, & na sinnsir uile, ó
bhfuáir mé leitreacha mar an gcéudna
chum na mbrathar ré dul go Damascus,
ar chor go dtiubhruinn leam ceanguilte
go Hiarusalém an mhuinntir do bhí ann
sin, dfaghail peannuide:
6 Agus tárla dhamh ar mo thuras, ar
rochdain damh go gar do Dhamascus,
timcheall mheadhóin láoi, gur dheallruigh
solus mór ó neamh go hobann am thim-
cheall.
7 Agus do thuit mé ar talamh, agus do
chúaluidh mé guth dá rádh rium; A Sháuil,
a Sháuil, créd fá ngérleanann tú mé?
8 Agus do fhreaguir misi; Cia thú
féin, a Thighearna? & a dubhairt seisean
rium; As misi Iósa Nasardha ar
bhfuil tusa ag gérleanmhuin.
9 Agus na dáoine do bhí am fhoch
do chunncadar an solas go deimhin,
do ghabh eagla iad, gidheadh ní ch
ladar guth an té do labhuir rium.
10 Agus a dubhairt mé, Créd
dhéuna mé, a Thighearna? & a dubh
an Tighearna rium, Eirigh, & imthigh
Damascus: & inneósdar dhuit ann
gach uile ní dár hórduigheadh dhuit
dhéunamh.
11 Agus mar nach raibh amharc a
tré ghlóir na soillsi sin, do threó
gheadar mo luchd éintsligheadh ar l
mè, nó go dtáinic mé go Damascus.
12 Agus táinic óglach áirighe [d
bhainm] Ananias chugam, duine d
do réir an dlighidh, air raibh teisd m
ag gach uile Iúduighe dár áitigh ann
13 Agus ar seasamh dhó láimh ri
a dubhairt sé; A Sháuil a bhráthuir,
chugad do radharc. Agus ar a núair
féin dféuch me airsion.
14 Agus a dubhairt sé, Do thogh D
ar naithreachne roimhe láimh th
chum a thola féin daithniughadh, &
neach comhthrom úd dfaicsin, & gl
chluisden as a bhéul.
15 Oir biaidh tú ad fhiadhnuisi
a láthuir na nuile dháoine, ar na
thibh do chunnuirc agus do cháal
16 Agus a nois créd do bheir ag
namh moille thú? éirigh, gabh baisde
chugad, agus bí ar do ghlanadh ód pheac
adhaibh, ar ngairm ar ainm an Tighearna.
17 Agus tárla an tan do fhill
go Hiarusalém, agus do rinne
urnaighe ann sa teampoll, go ndeach
mé a néull,
18 Agus do chunnaire mé eisean
rádh rium; Déuna deithbhir, agus im
thigh go tapuidh as Iárusalém, óir
ghéubhuid siad chuca thfiadhnuisi
thimcheallsa.
19 Agus a dubhairt misi; A thighearna,
as aithne dhóibhsean go gcuirinns
bpriosún an lión do chreideadh ionnad,
agus go ngabhainn orrtha ann gach
uile shinagóg.
20 Agus a núair do dhóirteadh fuil do
mhairtír Steaphán, do bhi misi a láthair,
agus dáontuigh mé chum a mharbh
agas do choimhéud mé éudaighe n
muinntire do mharbh é.
21 Agus a dubhairt seisean rium; Im-
thigh rombad: óir cuirfidh misi a g
tú, chum na gcineadhach.
22 Agus deisdeadarsan ris gus an
calsin: achd [ann sin] do thógbh
a nguth os áird, ag rádh; Beir
don talumh a leithéid so do dhuine,
ní cóir a bheith na bheathuidh.
23 Agus an tan do éighmheadar,
do theilgeadar a néuduighe d
agus do theilgeadar luáithreadh sa
ér,

24 D

24 Do aithin an túachdarán eiseán do
..reith don chaisléun, agus a dubhairt
..fios sgéul do bhuáin lé sgíursaidhibh
..: do chum go mbeith a fhios aige
.. é an tadhbhar fár éighmheadar
.. sin na aghuidh.
25 Agus mar do cheangladar é lé
..adhuibh, a dubhairt Pól ris an gcaip-
.. do sheas a láthair ; An cóir dhâoibhsi
..mhânach a sgíursadh, agus gan é ar na
..nadh !
26 Agus ar na chlos so don chaiptín,
.. chuáidh sé a gceann a núachdarâin,
.. dfóillsigh sé sin dó, ag rádh ; Ta-
.. dod aire créd atá tú dhéunamh :
.. is Rómhànach an fearso.
27 Ann sin ar dteachd do núachda-
.. chuige, a dubhairt sé ris ; Innis
.. an Rómhànach thú ? & a dubh-
.. seisean, A seadh.
28 Agus do fhreaguir an túachda-
.. ; As mór an tsuim ar a bhfuàir misi
.. na caithreach sin. Agus a du-
..airt Pól, Achd is ann a rugadh misi.
29 Ar a nadhbharsin an luchd do bhí
.. a sgíursaighe do imthigheadar úadh
.. an mball : agus mar an gcéadna do
..bh eagla an túachdarán, ar bhfaghâil
.. fheasa gur Rómhànach é, agus go dtug
.. deara a cheangal.
30 Agus ar na mhárach ar mbeith
.. fonnmhar air dheimhin sgéul dfa-
.., créd í an choir do chuirfidís na
..ighe na aghuidhsion, do sgáoil sé é ó
.. chuibhrighidh, & tug sé àithne dúachd-
.. na sagart agus dà gcomhairle
.. teachd do làthuir, agus ar dtabhairt
..hóil amach, do chuir sé ann a bhfia-
..nuisi é.

CAIB. XXIII.

.. an tardshagart Pól do bhualadh. 11 ach .. Día meisneach, 14 & rinne iùl dó, ar ..ol as ó choimhchealg na Niúdiugheadh.

AGus ar ngéri héachuin do Phól ar an
gcomhairle, a dubhairt sé ; A dhàoine
[&] a bhráithreacha, do rinne misi
..this do Dhía an gach uile choin-
.. mhaith gus an là a niugh.
2 Achd do aithin Ananías an tàrdsha-
..rt do na dáoinibh do sheas làimh ris,
.. bhúaladh ar a mbéul.
3 Ann sin a dubhairt Pól risean ; Buáil-
.. Día thusa, a bhalla fionnàolta : an
..heann tú do dhéunamh breitheamh-
.. orumsa do réir an dlighe, agus an
..bhuir tú áithne mo bhúaladh a nagh-
.. an dlighe ?
4 Achd a dubhradar an mhuintir do
.. làimh ris ; An bhfuil tú ag im-
..argadh àrdshaguirt Dé ?
5 Agus a dubhairt Pòl ; Ni raibh a
..os agam, a bhràithreacha, gur bhé an
..dshagart é : óir atá sgríobhtha,
.. abeóra tú olc ré úachdarán do
..bhuil.
6 Agus ar na thuigsin do Phól go
..bh cuid aca na Saducíneachuibh, agus
an chuid eile na Bhpairisíneachuibh, do
éigh sé a láthair na comhairle ; A dhàoine
[agus] a bhráithreacha, as Phairisíneach
misi, mac Phairisínigh : fá shúil do bheith
agam ré heiséirghe na marbh atàim dom
éiliughadh.
7 Agus an tan a dubhairt sé so, do
éirigh imreasan eidir na Phairisínigh
agus na Saducínigh : agus do roinneadh
an coimhthionól.
8 Oír a deirid na Saduicínigh Nach
bhfuil eiséirghe ann, ná aingeal, ná spio-
rad : achd admhuighid na Phairisínigh
íad so uile.
9 Ar a nadhbharsin do tógbhadh gáir
mhór, agus ar néirghe do na Sgríobuí-
dhibh do thaobh na Bhpairisíneach, do
chathaigheadar na naghaidhsean, agus a
dubhradar ; Ní fhaghmàoide olc ar bith
sa nóglachsa : achd má labhair spiorad,
nó aingeal ris, na cathuigheamne a na-
ghaidh Dé.
10 Agus an tan do èirigh ceannairce
mhór[eatarra,] deagla go dtairreóngaidís
Pól as a chéile, daithin an túachdarán do
na saighdiúiribh dul síos, agus a thúa-
dach as a làr, agus a bhreith don
chaisléun.
11 Agus a noidhche na dhiáigh sin
do sheas an Tighearna làimh ris, agus a
dubhairt sé ; Bíodh meisneach mhaith
agad a Phóil : óir do réir mar do rinne
tú fiadhnuisi am thimcheallsa a Niarusa-
lém, as mar sin as éigean duit fíadh-
nuisi dhéunamh sa Róimh.
12 Agus ar néirghe don là, do chruin-
nigheadar dream áirighe do na Júdai-
ghibh a gceann a chéile, agus tugadar
mionna, nách íosadis, agus nach iobhaidís
nó go marbhaidís Pól.
13 Agus do bhádar os cionn dà
fhichead fear do rinne an gcoimhchean-
galso re chéile.
14 Agus ar ndul chum na nárd-
shagurt, agus na sinnsear dhóibh, a du-
bhradar ; Tugamairne móid agus mionna
nách blaissemís ní ar bith nó go mar-
bhamaois Pól.
15 Ar a nadhbharsin íarruidhsi ar a
núachdarán do thoil na comhairle a
thabhairt dá bhur làthuir a màrach, mar
do bhíadh sibh ar tí fios a ghníomhar-
thadh dfaghàil ni as iomlàine : agus atá-
màoidne ullamh chum a mharbhtha ni as
tàosga ná thiocfas sé chuguibhsi.
16 Achd an tan do chúaluidh mac
deirbhsheathar Phóil na cealga so, thàinic
sé agus do chúaidh sé a steach don chais-
léun, & dinnis sé so do Phól.
17 Ann sin ar ngairm àoin do na
caiptínibh chuige do Phól, a dubhairt sé :
Beir an tóganachsa leachd chum a
núachdaràin : óir atá ní aige ré a innisin
dó.
18 Agus rug an caiptín an tóganach
leis chum a núachdaràin, agus a dubh-
airt sé ; Do ghoir an príosúnach Pól

chuige mé, agus diarr sé orum, an tó-
gánach so, agá bhfuil ní do inneósadh
sé dhuit, do thabhairt chugad.
19 Agus ar mbreith ar láimh a nó-
gánaigh don núachdarán, rug sé leis a
leathtáoibh é, & dfiafruigh sé dhe, Créud
atá agad ré a innisin damhsa ?
20 Agus a dubhairt an tógánach; Do
rinneadar na Iúduighe do chomhairle a
iarraidh ortsa, Pól do thabhuirt amach
a márach chum an choimhthionóil, mar
do bheidís ar tí a cheasdugha nios géire.
21 Uime sin na tabhuirsi áonta dhóibh:
Oir atá ós cionn dá fhichead fear dhíobh
a luigheachán air, noch thug a mionna
nach íosaidis agus nach íobhaidís nó go
marbhaidís é: & atáid siad ullamh a
nois ag feitheamh réd ghealladhsa.
22 Agus do léig an túachdarán an tó-
gánach úadh, ar na áithne dhe gan a
fhios do thabhairt do dhuine ar bith,
gur fhóillsigh sé na neithesi dhó féin.
23 Agus do goir sé dhá chaiptín ai-
righe chuige, & a dubhairt sé: Ullmhuig-
ghidh dhá chéd saighdiúir rachas go Séa-
sarea, & deichneabhar & trí fichid mar-
cach, & da chéud do luchd gáethe, ón
trés úair do noidhche amach :
24 Agus mar an gcéudna ullmhuighidh
eachruidh iomchórus Pól slán chum an
árdúachdaráin Félix:
25 Agus do sgríobh sé litir an sa
bhfoirmse.
26 Beatha agus sláinte ó Chlaudius
Lisias chum a nárdúachdaráin ro oir-
dheirc, Félix.
27 An tan do bhí an fearso tar éis
a ghabhála ag na Iúduighibh, agus íad ar
tí a mharbhtha, tháinig misi orrtha le
slúagh agus an tan fúair mé sgéula gur
Rómhánach é, do bheanus díobh é.
28 Agus mar bhí a fhonn orum fios
sgéul dfagháil créd é an tadhbhar far
éiligheadar é, tug mé amach chum a
gcomhairlesean é.
29 Do thuig mé gur fá cheasduibh a
dtimcheall a ndlighidh féin do héiliu-
ghadh é, agus nách raibh coir bháis na
bhraighdeanuis ar bith air.
30 Agus an tráth do hinniseadh
dhamhsa gur mhián ris na Iúduighibh
luigheachán do chur air, do chuir mé ar
an mball chugadsa [é,] agus a dubhairt
mé fós ré luchd a éilighthe gach adhbhar
dá mbeith aca air, a chur na leith ad
fhíadhnuisisi. Slan riot.
31 Uime sin do réir mar do háith-
nigheadh do na saighdúiribh, rugadar
Pól leó ann sa noidhche go Hantipa-
tris.
32 Agus lá ar na mhárach do léigea-
dar don mharcshlúagh dul léisean, agus
dfilleadar féin don chaisléun.
33 Agus a núair rangadar go Séasárea,
agus tugadar an litir do núachda-
rán, do chuireadar Pól na sheasamh
na fhiadhnuisi.
34 Agus tar éis a léighthe do nuach-
darán, agus a fhiafruighe dhesean
tír dhó, agus ar naithniughadh
ó Chilicia é,
35 A dubhairt sé, Eisdfidh mé riot
tan thiócfuid luchd théilighthe
gcéadna. Agus do áithin sé eisean
choimhéud a gcúirt Joruáigh.

C A I B. XXIV.

Fréagra Phóil do Thertullus a lathair
25 neach do chriothnuigh re na

AGus a gcionn chúig lá na
sin, tháinig Ananias an tárd
a núas maille ris na sinnsearuibh,
ré Tertullus fear deagh labhartha
noch do fhoillsigh íad féin a bh
nuisi a núachdaráin a naghuidh Phóil
2 Agus a núair do goireadh
do thionnsguin Tertullus a éilliug
ag rádh;
3 A Fhélix ro oirdheirc, admh
go sollus agus an gach áonáit,
gach uile bhuidheachus, go bhfuilm
fagháil iomud síodhchána thríodsa,
go bhfuilid mórán do neithibh tré
ghliocasa ar na gceartughadh a
an chinidhsi.
4 Achd deagla go dtuirseóchuin
ní sa mhó, guidhim thú dod mhóirch
féin eisdeachd linn go haithghearr.
5 Oir do fuaramar an fearsa
phláigh & ag cur cheannairc eid
Júduighibh uile ar feadh an domhuin
na cheannfeadhna dórd na Nasaré
6 Agus mar an gcéudna do thog
an teampall do shalchadh: & do
reamairne lámh ann, agus do
tuigheamar breitheamhnus do thab
air do réir ar ndlighe féin.
7 Achd táinic an túachdarán
orainn, agus rug sé lé hainneart
as ar lámhuibh é:
8 Agus do áithin sé da luchd éil
teachd chugadsa: ó na bhféudsa
gach éun sgéula dfagháil fá na
ibhse chuirmidne na leith, dá
ar a níarruidh.
9 Agus do áontuigheadar na Iúd
mar an gcéudna leis, dá rádh,
mar sin do bhádar na neithe sin.
10 Achd ar sméideadh do nuach
air Phól chum labhartha, do fhreag
As romhóide mfonn fá fhreagra
shon féin, go bhfuil a fhios agum
bheith ré mórán do bhliadhn
bhreitheamh ar an gcineadhso.
11 Oir féuduigh tú a fhios
nach mó ná dhá lá dhéug, ó
misi súas go Hiarusalém do dh
eadarghuidhe:
12 Agus nách bhfúaradar ag
bóireachd ré duine ar bith
pall mé, ná ag gluasachd an
ná ann sna sinagóguibh, na fós
thraigh:
13 Agus ni héidir leó na
atáid siad déilughadh oram a
chruthughadh.
14 Achd admhuim so dhuitsi, go

seirbhis do Dhía ar naithreach do
na slighеadh úd dá ngoiridsean Eiri-
achd: ag creideamh dá gach uile ní
bhfuil sgriobhtha ann sa dligheadh,
ann sna faidhibh.
15 Agus go bhfuil dóigh agam a
Dhía, ré a bhfuil a súilsean fós, go dtioc-
a eiséirghe na marbh, eidir fíréun,
neimhfhíréun.
16 Is ar a shon so shaothruighim coin-
glan do bheith agam, gach uile
, a dtáobh Dé agus dáoine.
17 Agus táinic mé a nois, tar éis mhó-
bliadhan, a measg mo chinidh féin,
déirce agus ofrala dhéunamh.
18 Ann a bhfúaradar Iúdaighe áirighe
Asia mé ar mo ghlanadh sa teampoll,
chonghair, gan bhuáidhreadh,
19 Noch dar chóir seasamh ann so
fhiadhnuisisi [maille riumsa,] agus
lughadh, dha mbeith ní ar bith aca
a chur am aghaidh.
20 Nó abruid an mhuintirse féin,
fúaradar éugcóir ar bith ionnam,
tan do sheas mé a bhfíadhnuisi na
comhairle.
21 Achd amháin ar son a néanghotha
do éimh mé, an tráth do sheas me na
ir, Gurab sa eiseirghe na marbh atáim
éilliughadh aguibhsi a niugh.
22 Agus mar do chúaluidh Félix na
thesi, dó chuir sé ar athlá iad, ag rádh,
do ghéubha mé fios na neitheadh
ris a tslighese ní as fearr, an tan
Lísias an tuachdarán a núas,
fidh mé bhur gcúis a gcrích.
23 Agus do aithin sé don chaiptín
do chumhdach, agus socamhal do
bhairt dó, agus gan a bhacadh
duine dá cháirdibh a fhriothólamh,
dhúl dá ionnsuighidh.
24 Agus a gcionn laetheadh áirighe
mbeith do Fhélix maille ré na mhnáoi
silla, noch do bhí na Iúdaighe, a la-
do chuir sé fios ar Phól, agus do
sé ris a dtimcheall an chreidimh a
riosd.
25 Agus an tan dó labhair sé riu, a
imcheall na fíréantachda, & na measar-
achda, & an bhreitheamhnuis atá ag
chd, ar gcriothnughadh Dfélix, a du-
airt sé; Imthigh romhad a nois: & a
bhias úain agamsa air, cuirfidh
fios ort.
26 Agus do bhí súil aige fós go dtiubh-
Pól airgead dó do chionn a sgáoilte:
a nadhbharsin ag cur feasa air go
, do labhradh sé é ris.
27 Agus ar gcoimhlíonadh dhá bhlia-
, táinic Porcius Festus a náit Fhé-
agus ar mbeith fonnmhar Dfelix
bhuidheachas na Niúdaigheadh do
eamhuin, dfág sé Pól ceanguilte.

CAIB. XXV.

... ag seasmhadh na fírinne go crodha, curata, ... bhfiadhnais Fhestuis.

Agus an tan tháinic Festus don phro-
bhinnsi, do chúaidh sé a gcionn thrí
lá na dhíaigh sin ó Shéasareá súas go
Harusalém.
2 Agus do chúaidh an tárdshagurt,
agus maithe na Niúdaigheadh dhá lá-
thair a naghuidh Phóil, agus do chuirea-
dar impidhe air,
3 Ag íarruidh foghuir a naghuidh
Phóil, as go gcuirfeadh sé fios air go
Hiarusalém: ag gcur luigheacháin ar a
tslighe fá chomhair a mharbhtha.
4 Achd do fhreaguir Festus go raibh
Pól air cumhdach a Séasareá, agus go
rachadh sé féin go háithghearr [ann sin.]
5 Uime sin, ar seisean, gidh bé ag-
uibhsi fhéudfus é, teaghuid siad a náoin-
fheachd rinne sios, agus má tá olc ar
bith ann sa bhfearso, éilighid siad é.
6 Agus ar nfanmhuin dó na measg
tuáirim dheich lá, do chuáidh sé sios go
Séásareá: agus lá ar na mhárach do shuidh
sé ann sa chathaoir bhreitheamhnuis,
agus do áithin sé Pól do thabhuirt a
láthuir.
7 Agus an tan tháinic sé, do sheasadar
na Iúdaighe tháinic a núas ó Iarusalém
na thimcheall, agus tugadar mórán déi-
lighthibh tróma, nár fhéadadar a chru-
thughadh, a naghaidh Phóil:
8 Ar bhfreagra Do Phól dá ghlanadh
féin, Nách dearna lé ní ar bith a nagh-
aidh dlighe na Niúdaigheadh, ná an
teampuill, na Shéásair.
9 Gidheadh air mbeith fonnmhar air
fhoghar do dhéanamh do na Iúdadhuibh
do fhreaguir Festus do Phól, [agus] a
dubhairt sé: A náill leachd dul súas go
Hiarusalém, agus breitheamhnus dfulang
ann sin a dtimcheall na neitheadhso am
fhíadhnuisisi?
10 Achd a dubhairt Pól, Atáim am
sheasamh ag catháoir bhreitheamhnuis
Shéasair, ann ar cóir breath do bhreith
orum. Ní dhearna mé eugcóir ar bith
ar na Iúdaidhibh, mar as maith atá a
fhios agadsa féin.
11 Oir má rinne mé éugcóir ar bith
ná éainní do thuill bás, ní bhfuilim ag
diultadh bás dfagháil: gidheadh muna
dhearna mé aoinní do na neithibhsi éi-
lighid siad oram, ní fhéudann áonduine
mo thíodhlacadh dhóibh: tiaghuim ar
chomairce Shéasair.
12 Ann sin do labhuir Festus ris an
gcomhairle, agus do fhreaguir sé; A ndea-
chaidh tú ar chomairce Shéasair? is
dionnsuighe Shéasair rachus tú.
13 Agus ar gcaitheamh laéthe áirighe
táinic an Rí Agrippa & Bernice go Séa-
sareá, do chur failte roimhe Fhestus.
14 Agus ar nfanmhuin dóibh ann sin
mórán do laethibh, do fhoillsigh Festus
cúis Phóil don Rí, ag rádh; Dfág Felix
duine áirighe na phríosúnach:
15 [Agus] an tan do bhí misi a Niaru-
salém, tangadar fiachdaráin na sagart &
finnsir na Niúdaigheadh chugam na
thimcheall, agus do iarradar breith dha-
manta na aghuidh;

16 Ar a dtugasa an fhreagra so, Nár
bhéus do na Romhánchuibh duine ar
bith do thabhairt dá mhilleadh, nó go
dtigdís an luchd éilighthe a láthuir an tí
éilighthear, agus go bhfaghadh sé ionad
air è féin do ghlanadh ón gcoir do chuir-
fidh air.
17 Ar a nadhbharsin ar dteachd ann
so dhóibh a gceann a chéile, ar na mhá-
rach gan cháirde ar bith, do shuidh mé
ann sa chathâoir bhreitheamhnuis, agus
do aithin mé an fearsin do thabhuirt
dom láthuir.
18 Agus do sheasadar luchd a éilighthe
na fhochair, agus níor chuireadar coir
ar bith air do na neithibh do sháoil misi.
19 Achd do bhádar ceasda áirighe a
dtimcheall a ngeasrogadh féin aca na
aghuidh, & a dtimcheall Jósa éigin fuáir
bás, noch a dubhairt Pól bheith béo.
20 Agus do bhrigh go raibh misi
amharusach a leithid sin do cheisd, dubh-
airt mé, Nar bháill leis dul go Hiárusalém
agus breitheamhnus thabhairt air ann,
fá na neithibhsi.
21 Agus an tan diarr Pól é féin do
choimhéud nó go bhfuigheadh Augustus
fios air, do aithin misi a chumhdach nó
go gcuirfinn chum Séasair é.
22 Agus a dubhairt Agrippa ré Festus,
Bá mían riumsa fós mé féin éisdeachd
ris an bhfear sin. Agus a dubhairt sei-
sean, Cluinfidh tú a márach é.
23 Uime sin ar na mhárach táinic
Agrippa, agus Bernice ré poimp ro
mhóir, agus do chúadar a steach maille
ris na huachdaránuibh agus ré maithibh
na caithreacha go teagh na cúirte, agus
ar na àithne Dfestus, tugadh Pól a
láthuir.
24 Ann sin a dubhairt Festus: A Rí
Agrippa, agus a bhfuiltí do dháoinibh a
láthair ann so, do chithí an fearso agá
dtangadar pobal na Níudaigheadh go
huilidhe a Niárusalém, & ann so, chu-
gamsa na thimcheall, ag éighmhe nár
chòir a bheith beó ní as faide.
25 Achd a núair do thuig misi nách
dearna sé ní ar bith do thuill bás, & go
ndeachuidh sé féin a ncomairce Augustus,
do chuir mé romham a chur chuige.
26 [Agus] ní feas damh éainní áirighe
do sgríobhthuinn chum mo Thighearna
na thimcheall: ar a nadhbharsin tug mé
bhur láthuirsi é, agus go mórmhór dod
láthuirsi a Rí Agrippa, ionnus ar na
cheasdughadh go mbeith agam ní do
sgríobhthuinn.
27 Oir do chithear dhamhsa gur
neimhreásúnta príosúnach do chur uáim,
& gan na cúiseanna atá na aghaidh
dfoillsiughadh.

CAIB. XXVI.

*Pol ag labhairt a ttimcheall Chríosd go neart-
mhar a néisdeacht Agrippá. 30 do mhea-
sadar an eireachd neimhchiontach é.*

AGus a dubhairt Agrippa ré Pól,
As ceadaigheach dhuit labhairt ar do
shon féin. Ann sin ar síneadh a láimhe
amach do Phól, do fhreagair sé dá shon
radh féin:
2 Measuin. [illegible] sona mé, a Rí Agrippa
ó bheith a niugh chum labhartha ar mo
shon féin ad fhíadhnuisise, sna huile ne-
thibh ann a néilighid na Júdaighe mé:
3 Go mórmhór do bhrígh gur feasach
dhamh, thusa do bheith eolghach a
nuile ghnáthaighibh, agus cheasduibh na
Niúdaigheadh. Ar a nadhbharsin guidhim
thú fá éisdeachd rium go foighideach.
4 Is aithne do na Júdaighibh uile mo
bheathasa ó móige, agus cionnus do ch-
sí a measg mo chinidh féin a Niárusa-
lém ó thosach.
5 Noch do aithin mé roimhe so, (dá
madh áil riu fíadhnuise do dhéanamh)
ar mbeith dhamh am Fhpairisíneach do
mo shinnsearaibh, do réir ríaghla is
múird ro dhírighse aguinne.
6 Agus a nois seasuim ar mbeith
dhamh dom éiliughadh, tré dhóchus an
geallamhna do rinne Dia dár naithribh:
7 Ré a bhfuil súil ag ar ndá threibh
dhéugne ag déanamh seirbhíse do Dhia
do ló agus doidhche go gnâthach. Is do
tháoibh an dóchais sin, a Rí Agrippa
éilighid na Júdaighe misi.
8 Créd fá a measdar ribhse mar ní
díchreidmheach, go ndúisigheann Dia
na mairbh?
9 Go deimhin do mheas misi ionnam
féin, gur chóir dhamh móran do nei-
thibh contrarrdha do dhéanamh, a naghaidh
aidh anma Jósa Nasárrdha:
10 Noch do rinne mé mar an gcéadna
a Niárusalém: óir do chuir mé ioma
do na náomhuibh a bpríosúnaibh, ar
bhfaghâil chumhachd dhamh ó uachda-
ránaibh na sagurt: agus an tan do bhá-
gheadh iad, tug misi máonta.
11 Agus ag tabhairt pionnúis dóibh go
minic trés na huile shinagogaibh, do
mhéignigh me iad, chum blasphéime do
bhairt; & ar ndul damh tar mhoir
buile na naghaidh, do rinne mé géir-
mhuin orrtha a gcaithreachaibh co-
crìche.
12 Fá a namsin ar mbeith dhamh fós
ag dul go Damáscus lé cumhachdaibh &
lé barántus na nárdshagurt,
13 Do chunairc mé, a Rí, a meadhon
láoi fa tslighe, solus ó neamh bá mó
soillse na gréine, noch do dealraigh
um thimcheallsa, & a dtimcheall na
druinge do bhí um fhochair fa tslighe.
14 Agus ar dtuitim dháinn uile a r-
lamh, do chualaidh mé guth ag labhairt
riom, agus ag ràdh fa dteangaidh Ebhra
A Sháuil, a Sháuil, créd fá bhfuil tú
géirleanmhuin orum? is cruáidh dhuit
beith ag gabháil dod shálaibh a naghaidh
dhealg.
15 Agus a dubhairt misi, Cía thú
a Thighearna? & a dubhairt seision,
misi Jósa ar a bhfuil tusa ag géirleanmhuin.
16 Achd éiridh suas, agus seas ar
chosaibh

...ílabh: óir is chuige so do fhoillsigh
...mé féin duit, do chum go nòirdeó-
...inn thú ad óglach ... ad fhiadh-
...se, ní né amháin ar na neithibh do
...naire tú, achd mar an gcéudna ar na
...ithibh ann a bhfoillseóchar dhuit mé.
17 Dod fháoradh ón bpobal, agus
...na cineadhachaibh, chum a bhfuilim
...dod chur,
18 Chum a súl dosgladh, agus chum
...bhfillte ó dhorchadus chum an tsolais
... ó chumhachdaibh Shatáin chum
Dé, chum maithfeachais na bpeacadh
...fhail dóibh, agus oidhreachda a measg
...muinntire atá ar na náomhadh tré
...creideamh ionnamsa.
19 Uime sin a Rí Agrippa, ní raibh
mé easumhal don táibhse neamhdha:
20 Achd do fhógair mé do luchd Dha-
...scus ar tús, agus a Niarusalém, &
...feadh région thíre Júdaighe go
...lidhe, agus do na cineadhachaibh,
...aithreachus do dhéanamh, agus filleadh
...um Dé, ag dénnamh oibreacha iom-
...bhaidh don aithrighe.
21 Ar son na nadhbharsa do rugadar
...Júdaighe sa teampall oram, agus do
...uireadar rompa mo mharbhadh.
22 Gidheadh tug Día cobhair dhamh,
& do sheas mé gus a niu, ag déunamh
...adhnuise don mbeag agus don mor,
...ainní a rádh dhamh, achd na
...eithe a dubhradar na fáidhe agus
...Maoisi do bheith chum teachda:
23 Go bhfuiléongadh Críosd an
...páis, agus go madh hé céidneach do
...éirochadh ó mharbhaibh é, agus go
bhfoillseóchadh sé solus don phobalsa
... do na cineadhachaibh.
24 Agus ar mbeith dhó ag rádh na
...neitheadhsa ar a shon féin, a dubhairt
Festus do ghuth mhór; Atá tú ar
...mire a Phóil, cuiridh iomad foghlo-
...ma ré cuthach thú.
25 A dubhairt Pól an tan sin; A
Fhestuis ro oirdheirc, ní bhfuilimse ar
...mire, achd labhruim briathra na fírinne
...céillighe:
26 Oir atá fios na neitheannsa ag
an Rí, agá labhraimse go dána na lá-
...thair: óir ní shaoílim go bhfuil ainbh-
...fios éainneithe dhíobh so air: Oir ní a
...cúil do rinneadh so.
27 An gcreideann tú, a Rí Agrip-
pa na fáidhe? atá a fhios agam go
...creidir.
28 A dubhairt Agrippa an tan sin
ré Pól, Is beag nách ttairngeann tú mé
...bheith am Chríosdúighe.
29 Agus a dubhairt Pól, Do bfearr
...go bhfaghuinn dathchuinge ó
Dhia, ní hé amháin thusa, achd mar
an gcéudna an mhéid éisdeas ríom aniu,
do bheith go hiomlán cosmhail ríom féin,
achd na geimhleachasa amháin.
30 Agus ar na rádh so dhó, do
éirigh an Rí súas, agus an túachdarán,
... Bernice, agus an dream do shuidh
...bhfochair.
31 Agus ar ndul do leathtaóibh
dhóibh, do labhradar ría a chéile, ag
rádh; Ní dhéunann an fearso éin ni
thuilleas bás na cuibhrighthe.
32 Agus a dubhairt Agrippa ré Fe-
stus, Do béidir an fearso do léigean sa
réir, muna bheith go ndeachaidh sé ar
chomairce Shéasair.

C A I B. XXVII.

Luingséorachd Phóil, 41 & an luing-bhrisle, 44 achd tárrfuid na daóine fa thír slán.

AGus ar ttabhairt breatha dhóibh go séolfamaóis do Neadáill, tuga-
dar Pól agus bráighde áirighe eile, do
chaiptín bhanna Augustus, dár bhainm
Július.
2 Agus ar ndul dúinn a luing [do
longhaibh] Adramitium, do chuireamur
romhuinn séoladh ré táobh chósdadh na
Háisia, [agus] do thógbhamar ar séolta,
agus do bhí Aristarcus Macedónach ó
Thessalonica ann ar gcuideachda.
3 Agus an lá na dhiáigh sin tangamar
go Sídon: agus ar mbeith go muinn-
tearrdha ré Pól do Július, dfulaing sé dhó
dhul dfios a charad, chum comhfurt-
achda dfaghail úathadh.
4 Agus ar niinntheachd dhúinn as sin,
do shéolamar ré taóibh Chipruis, do
bhrígh go raibh an ghaoth contrarrdha
dhúinn.
5 Agus ar séoladh dhúinn trés an
bhfairge láimh ré Cilícia agus ré Pam-
philia, tangamar go Míra [cathair a] Licia.
6 Agus ar bhfaghail luinge don chaip-
tín ó Alexandria ann sin, do bhí ag
tríall do Neadáill, do chuir sé sinne innte.
7 Agus ar mbeith dhúinn morán do
laethibh ag séoladh go mall, agus ar
dteachd dúinn ar éigin as comhair
Chniduis, do bhrígh nar leig an ghaoth
dhúinn, do shéolamar a ngar do Chréta,
láimh ré Salmóne.
8 Agus ar séoladh thairis dúinn ar
éigin, tangamar go hionadh áirighe,
dá ngoirthear, Na cúanta bréagha, dár
bhfogus cathair Laséa.
9 Agus ar gcaitheamh mhórain aim-
sire dhúinn, agus ar mbeith dhár luing-
séorachd cheana gúasachdach, do bhrígh
an troisgidh do dhul cheana thorainn,
do bhí Pól dhá ccomairliughadh,
10 Ag rádh ríu; A dhaóine, do chím
go mbiáidh bhur luingséorachd maille ré
dochar & ré dul amugha mór, ní hé
amháin na ladála agus na luinge, achd
ar nanmann féin mar an gcéudna.
11 Gidheadh is mó do chreid an caip-
tín, an túachdarán & maighisdir na
luinge, ná na neithe a dubhairt Pól.
12 Agus ar mbeith don chúan neamh-
gharamhail aca re hanmhuin ann sa
gheimhreadh, do rinnid a normhór do
chomhairle sgaoíleadh as, dféuchain an
bhféudfaidís air éanchor teachd go
Phenice, chum an gheimhridh do
chaitheamh ann: cúan [do chúan-
tuibh] Chrétá, atá ar na shuidhiughadh
a níar

a niarndeas agus a niardtuáidh.
13 Agus ar ſéideadh go ciúin don ghaoith
a ndeas ar na ſháoilſin dóibhſean go néi-
réochadh a dturas ríu, ar dtógbháil
a ſeóltadh dhóibh, do ſhéoladar ní ſa
ghoire do Chréta.
14 Achd go haithghearr na dhiáigh
ſin do ſhéid gaoth ſdoirmeamhail do bhí
na gáoith a noirdtuáidh ar a noiléun.
15 Agus ar mbeith don luing dhá ſúa-
dach, agus gan neart aice cur a naghaidh
na gáoithe, ar na léigean ris an ngáoith
dhúinn, do ſéoladh ſan bhfairge ſinn.
16 Agus ar ndul a ſdeach go dían
dúinn fá oiléun beag áirighe dar ab ainm
Clauda, is ar éigin rugamar ar an mbád.
17 Noch do thógbhadar ſúas, [agus]
do ſhéuchadar gach uile ghléus cabhar-
tha, ag creaſughadh na luinge ſíoithe:
deagla go mbuáilfedís a ngaineamh béo:
agus ar léigean a ſéolta ſíos dóibh, do
hiomchradh íad mar ſin.
18 Agus ar mbeith dhúinn an lá na
dhiáigh ſin, dár dteilgean ó thoinn go
toinn ré ſdóirm ro mhóir, do theilgea-
dar [a nearruidhe] amach:
19 Agus an treas lá do theilgeamar
amach lé ar lámhuibh oirnéis na luinge
féin.
20 Agus ar mbeith don ghréin, agus
do na réultaibh gan tſoillſiughadh dhúinn
móráin do láethibh, agus ar luighe do
ſdóirim nár bheag, orainn, rugadh uainn
gach uile dhóchas cabhartha dá raibh
aguinn ó ſhin amach.
21 Agus ar mbeith dhúinn a bhfad
gan bhíadh, do ſheas Pól iona meadhon,
agus a dubhairt ſé; A ſheara, do bhfearr
dháoibh aire do thabhairt dhamhſa, &
gan ſgáoileadh ó Chrétá: ionnus go ſeach-
ónadh ſibh an docharſa agus an díogh-
bháil.
22 Agus a nois guidhim ſibh fá mheiſ-
nigh mhaith do bheith agaibh, óir ní
chaillfidh éunduine a anum, achd an
lúng amháin.
23 Oír do ſheas aingeal Dé lér ab ris
miſi, agus dá ndéunuim ſerbhís, ſa noidh-
che a nochd láimh rium,
24 Ag rádh; Na bíodh eagla ort, a
Phóil, is éigean duit ſeaſamh a láthair
Shéaſair: agus féuch, do thiodhlaic Día
dhuit, an mhéid ſhéolus maille riot.
25 Uime ſin, a ſheara, bíodh meiſ-
neach mhaith agaibh: óir creidimſe
Día, gurab amhluidh bhías ſé mar a
dubhradh leam.
26 Thairis ſin, is éigean dúinn búaladh
fá oiléun áirighe.
27 Agus ar dteachd don cheathramhadh
oidhche déug, ar mbeith dhúinn dar
dteilgean ó thoinn go toinn ag Adria a
dtimcheall mheadhóin oidhche, do ſháoi-
leadar na mairnéulaidh go rabhadar a
bhfogus do thír éigin.
28 Agus ar léigean an luáidhe ſíos
dóibh, do theaſdughadh an ghrinneill,
fúaradar é na ſhichid feadh [ar dhoimh-
ne:] agus ar ndul as ſin bheagán deis,
ar léigean an luáidhe ſíos aris dóibh,
fúaradar é na chúig ſheadhaibh déug.
29 Agus ar mbeith dhóibh eaglach
bhúaladh fá ionadaibh garbha, ar dteil-
gean ceithre nancaireadh ó dheireadh
na luinge dhóibh, do bfearr léo go mbeith
an lá ann.
30 Agus ar mbeith do na mairnéul-
chaibh ar tí teitheamh as an luing, agus
ar léigén an mbáid ſíos dóibh ſa bhfair-
ge, mar do bhedís ar tí ancaireadh do
ſhíneadh amach ó thoſach na luinge,
31 A dubhairt Pól ris an gcaiptín,
agus ris na ſaighdiúiribh; Muna bhfan-
naid ſo ſa luing, ní héidir ſibhſe do
bháil.
32 Do ghearradar na ſaighdiúiri an
ſin téuda an bháid, agus do léigeadar
dhó tuitim amach.
33 Agus an feadh do bhí an lá ag
éirghe, tug Pól do chombairle dhóibh
uile bíadh chaitheamh, ag rádh; A ſé ſo
an ceathramhadh lá déug dhibh ag fui-
reach bhar dtroſgadh, gan bhíadh ar
bith do chaitheamh.
34 Uime ſin guidhim ſibh fá bhíadh
chaitheamh, óir is ní bheanus ré bhar
ſláinte é: Óir ní rachaidh ruáinne cinn
éunduine aguibh a mugha.
35 Agus ar rádh na neitheadh ſin
dhó; agus ar nglacadh aráin, rug ſé
buidheachas ré Día na bhfíadhnuiſe uile:
agus ar mbriſeadh (a naráin] dó, do
thionnſgain ſé a ithe.
36 Ann ſin ar ngabháil meiſnigh
chuca do chách uile, do chaitheadar
bíadh mar an gcéudna.
37 Agus a ſé uibhir dháoine do bhá-
mar ſa luing, dha chéd ſé fir déug
agus trí fichid.
38 Agus tar éis a ſaith bídh do chai-
theamh dhóibh, do éudromuigheadar an
lung, ar dteilgean na croithneachda a-
mach ſán bhfairge.
39 Agus ar néirghe don ló, ní raibh
fios na tíre ſin aca: achd tugadar ca-
ladh áirighe dha naire ann a raibh
tráigh, ann ar aontuigheadar an lung do
ſhathadh, dá madh éidir ríu.
40 Agus ar dtógbháil na nancaireadh
dhóibh, do léigeadar [an lung] fán bhfair-
ge, agus ar ſgáoileadh cheangluightheach
na ſdiúire dhóibh mar an gcéudna, do
thógbhadar an príomhſéol ris an ngáoith,
agus do thrialladar chum na tráigha.
41 Agus ar dteagmháil a nionadh
dhóibh ionar bhuáil da ſháirge fá chéile,
do bhuáileadar an lung fá thalamh:
agus ar ndaingniughadh do thoſach na
luinge dfan ſí gan chorrughadh, agus
do ſgaoileadh a deireadh ó chéile ré
haimhneart na dtonn.
42 An ſin do rinneadar na ſaigh-
diúiri do chomhairle na braighde do
mharbhadh, deagla go mbéuradh a ſhnámh
éunduine aca as:
43 Achd ar mbeith don chaiptín ſonn-
mhar

...thar ar Phól do shabháil, do thoirmisg iad ón gcomhairlesi: agus do aithin sé don luchd do fhéud snámh, iad féin do theilgean amach ar tûs, agus dul a dtír:

44 Agus do chách eile, cuid díobh air chláraibh, agus cuid eile ar chotannaibh [briste] âirighe don luing: agus tárrla mar sin go ndeachadar uile slán fá thír.

C A I B. XXVIII.

Pól ag slánughadh na neaslán ar a tslighe, 14 tainic an Roimh, 30 & theagaisc ann sin dá bhliadhan.

AGus ar dteachd dóibh slân, dó aithneadar ann sin gur Melita do bainm don oilén.

2 Agus níor bheag an dáonnachd do rinneadar na dáoine Barbartha orinn. Oír ar bhfadógh teineadh dhóibh do ghabhadar sinn uile chuca, ar son an cheatha do bhí ag teachd, agus air son an fhuachda.

3 Agus ar gcruinniughadh mhoráin brosan do Phól, agus ar na gcur dhó ar an dteine, táinic aithir nimhe amach as an teas, agus do leim sé ar a láimh.

4 Agus ar bhfaicsin na péisde croichde as a láimh do na dáoinibh barbartha, a dubhradar r[illegible]; Go deimhin is fear dúnmharbhtha é, dá nach bhfuilgeann dioghaltus [Dé] a bheith beó, giodh tháinic sé slán ón bhfairge.

5 Achd ar gcrothadh na péisde dhó sin sa teini, níor airidh sé dochar ar bith.

6 Gidheadh do bhí súil acasan ré hat dó, nó ré na thuitim síos marbh go hobunn; achd ar mbeith dhóibh a bhfad ag faireach, agus nach bhfacadar dochar ar bith ag teagmháil dó, ar nathrughadh inntinne, a dubhradar, Gur Dhía é.

7 Agus a dtimhcheall na háitesin do bhí fearann ag ceannphort a noiléin, dár bhainm Publius, noch do ghabh sinne chuige, & tug áoidheachd dhúinn ar feadh thrí lá go rocháirdeamhail.

8 Agus tárlá go raibh athair Phuibhlius na luighe ré fiabhrus agus ré fluxa fola: agá ndeachaigh Pól dá ionnsuighe, & ar ndéanamh urnaighe, ar gcur a lámh air, do shlánuigh sé é.

9 Agus ar na dhéunamh so, tangadar an mhéid do bhí easlán sa noiléun chuige, & do shlánaigheadh iad:

10 Noch mar an gcéudna tug dhúinn onóir mhór, agus ar ndealadh dhúinn ris, do chuireadar linn na neithe do bhí na riachdanus [orainn.]

11 Agus a gcionn thri míos na dhiaidh sin, do theólamar a luing [do longaibh] Alexándria, do bhí ag caitheamh an gheimhridh sa noiléun, & a sé fá comhartha dhi Castor agus Pollux.

12 Agus ar dteachd dúinn go Siracúsa dfanamar ann trí lâ.

13 Agus ar seóladh dhúinn timcheall as sin, tangamar go Rhégium: agus a gcionn láe na dhiáigh sin do shéid an gháoth a ndeas, agus tangamar lá ar na mhárach go Puteóli:

14 Mar a bhfúaramar dearbhraithreacha, agus do chuireadar impidhe oruinn fanmhuin na bhfochair feadh seachdmhuine: agus mar sin do thriallamar romhuinn don Róimh.

15 Agus as sin ar bhfaghail ar sgéul do na braithribh, tangadar do theagmháil dúinn go margadh Appius, agus gus na trí táibheirnibh: agus ar na bhfaicsin do Phól, rug sé buidheachus ré Día, agus do ghabh sé meisneach chuige.

16 Agus ar dteachd dúinn don Róimh, tug an caiptín na braighde dáirdghinerál na slógh? achd tugadh cead do Phól bheith ris féin a bhfarradh shaighdiúir do choimhéudfadh é.

17 Agus tárla a gcionn thrí lá na dhiáigh sin, gur ghoir Pól uaisle na Niúdaigheadh a gceann a chéile: agus ar gcruinniughadh dhóibh, a dubhairt sé ríu, A fheara [agus] a bhraithreacha, bíodh nách dearna misi éinní a naghaidh an phobail, ná ghnáthaighe na sinnsear, gidheadh tugadh mé ceangailte ó Jerusalém a lámhaibh na Rómhanach.

18 Noch lér mhían tar éis mo theasdaighe mo léigean fá sgáoil, do bhrigh nach raibh coir ar bith bháis orum.

19 Achd ar labhairt go contrárdha do na Iúdaighibh, do béigean damh dul fá chomairce Shéasair, ní hé go bhfuil adhbhar ar bith agam fá a neileóchainn mo chineadh.

20 Uime sin is fá a nadhbharsa do chuir mé fios oraibhse, chum bhar bhfaicsiona, & labhartha ribh: Oír is ar son mhuiníghine Israél atáim ceangailte sa slabhradhsa.

21 Agus a dubhradarsan ris, Níor ghlacamairne fíu na leitre ó thír Júdaighe ad thimcheall: agus ní tháinic fós neach ar bith do na dearbhraithribh dfoillsiughadh ná dinnisin uile ar bith ort.

22 Achd budh mían rinn a chlos uáit na neithe bhreathnuigheas tú: Oír do tháobh a nuirdse, is aithnigh dhúinn go dticthear na aghaidh sa nuile áit.

23 Agus ar ndéunamh lae ris dóibh, tangadar mórán chuige dhá lóildín, noch dhar fhoillsigh sé ríoghachd Dé maille ré fíadhnuise do dhéunamh, dhá dtarraing ré na theagusg chum na neitheadh do bhean ré Hiosa, a reachd Mháoisi agus ann sna fáidhibh, ó mhaidin go hoidhche.

24 Agus do aontuigheadar cuid díobh do na neithibh a dubhairt sé, agus cuid eile nar áontaigh.

25 Agus ar mbeith dhóibh contrárdha dhá chéile, do sgáoileadar as sin, ar rádh na héinbhréithresi do Phól; Is

maith do labhair an Spiorad náomh tré fan bhfáidh Esáias ré ar naithreachaibh-ne,
26 Ag rádh ; Imthigh romhad chum an phobaillse, agus abair, Cluinfidh sibh ré bhur gclúasaibh, & ní thuigfidhe : agus do chífidh ré bhur súilibh, agus ní budh leir dháoibh.
27 Oír atá croidhe an phobaillse ar na ramhrughadh, agus do bhádar a gcluasa bobhar chum éisdeachda, & do cháochadar a súile ; deagla go bhfaicfedís ré na súilibh, agus go gcluinfedís ré na gclúasaibh, agus go dtuigfedis ré na gcroidhthibh, agus go bhfillfedís, agus go sláineochainnse iad.
28 Uime sin bíodh a fhios agaibhse, go bhfuil an slánughadhsa Dé ar na chur chum na gcineadhach, agus go gcluinfid siadsan [é.]
29 Agus ar rádh na neitheannsa dhó, do imthigheadar na Júdaighe amach, agus do bhí iomad díosbóireachda aca eatorra féin.
30 Agus do chomhnuigh Pól dhá bhliadhain go hiomlán a dtigh do réidhigh sé dhó féin : agus do ghabhadh ré na huile dháoine do thigeadh a steach chuige :
31 Ag seanmórughadh ríoghachda Dé, agus ag teagusg na neitheann bhea- nus ris an Dtighearna Jósa Críosd, maille ré gach uile chumus labhartha, gan toirmeasg.

EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA ROMHANACH.

CAIB. I.

Ag admháil a Absdoldacht, 21 dearbha Pól gur ab peactha graineamhla is bacadh ar an Fhírinne.

POL searbhfhoghantuighe Iósa Críosd, do goireadh [chum bheith] na absdal, do toghadh chum soisgéil Dé.
2 [Noch do réimhgheall sé tré ná fháidhibh sna sgriobtúraibh náomhtha,]
3 A dtimcheall a mhic Jósa Críosd ar Dtighearna, (do gineadh do shíol Dáibhi do réir na feola:
4 Do foillsigheadh na mhac Dé a gcumhachdaibh, do réir Spioraid na náomhthachda, tré eiseirghe ó mharbhaibh.)
5 Tré a bhfúaramairne grása & absdaltachd, chum umhlachda an chreidimh, a measg na nuile chineadhach ar son anmasan :
6 (Eidir a bhfuil sibhsi leis ar bhur ngairm ré Híosa Críosd :)
7 Chugaibhsi uile an mhéid atá sa Róimh, ar bhur ngrádhughadh ó Dhía, & bhur náomhaibh do réir ghairma ; Grása agus síothcháin maille ribh, ó Dhía ar nathair, agus an Dtighearna Jósa Críosd.
8 Ar tús beirim buidheachus ré mo Dhía féin tré Iósa Críosd, ar bhur sonsa uile do bhrígh go bhfuil túaraisgbháil bhur gcreidmhe ar feadh an domhain uile :
9 Oír atá Día dfíadhnuise agum, dhá ndéanaim seirbhís am spioraid a soisgéul a mhic, go mbím gan sgur ag teachd thoraibh,
10 Ag iarraidh do shíor am urrnaighe, a fhagháil do thoil Dé, asdar séunmhar ar chor éigin do dhéunamh fa dheóigh ré theachd chugaibhse.
11 Oír atá ro fhonn oram sibhse dfaicsin, ar ghléus go roinnfinn ribh tiodhlacadh éigin spioradalta chum bhur neartuighe.
12 Eadhon, ionnus go bhfuighinn comhfhurtachd bhur bhfochairse tré chreideamh a cheile [eadhon] bhur gcreideamhsa agus mo chreideamhsa.
13 Agus a dhearbhraithreacha, ní háill leam gan a fhios do bheith agaibh, gur chuir mé romham go minic teachd chugaibh, (gidheadh do cuireadh toirmeasg oram gus a nois) ionnus go bhfuighinn toradh éigin bhur measgsa, comhmaith ris na cineadhachaibh eile.
14 Atáim am fhéitheamhnach do na Gréugachaibh & do na dáoinibh Barbartha, do dháoinibh glioca & neimhghlioca.
15 Ar a nadhbharsin an mhéid is éidir leam, atáim ullamh chum an tsoisgéil do fheanmóir dháoibhse mar an gcéudna, a bhfuiltí sa Róimh.
16 Oír ní bhfuil náire óram fa shoisgéul Chríosd, do bhrígh gur ab é cumhachd Dé é chum slánaighe, dá gach áon chreideas, don Iúdaighe ar tús, & fós don Ghréugach.
17 Oír as ann fhoillsighthear fíréantachd Dé, ó chreideamh go creideamh, amhail atá sgríobhtha ; Do ghéubhaidh an fírén beatha tré chreideamh.
18 Oír fhoillsighthear fearg Dé ó neamh anaghaidh gach uile neimhdhiadhachd, agus eagcóir na ndáoineadh chongmhas a nfírinne a neimhfhíreantachd :
19 Oír an mhéid déolus is éidir d'fhaghail ar Dhía, atá sé go follus iontasan : óir do rinne Día follus dhóibh é.
20 Oír a neithesion nach éidir dfaicsin, [mar atá] a chumhachd síorraidhe agus a dhiadhachd, atáid siad soiléir sothuigsighe ó chruthughadh an domhain treas na neithe do rinneadh : ionnus nach beith leithsgéul aca.
21 Do bhrígh ar naithniughadh Dé dhóibh, nach dtugadar glóir dhó mar Dhía, & nach rugadar buidheachus ris : achd

achd gur líonadar do dhiomhaóineas
ann a ſmuáintighibh, agus gur dalladh
a gcroidhe neamhthuighſionach.
22 Ag rádh gur dhaóine eagnuidhe
iad féin, do rinneadh amadáin dhíobh.
23 Oír do iompóidheadar glóir Dé
nach éidir do thruáilleadh, a gcoſamh-
lachd iomháigh dhuine ſhothruáillighe,
agus éunlaithe, agus ainmhinnteadh
ceatharchoſach, agus phéiſdeagh.
24 Ar a nadhbharſin tug Día íadſan
mar an gcéudna dainmhíanaibh a
gcroidheadh féin, chum a gcorp do
ſalchadh eatorra féin:
25 Mar dhruing do iompóidh fírinne
Dé a mbréig, agus do rinne onóir & ſeirbhís don chreatúr, ag tréigean an
chruthaighthéora, noch atá beannaighe
go ſiorraidhe. Amén.
26 Ar a nadhbharſa tug Día íad
dainmhíanaibh gráineamhla: óir do
athruigheadar a mná a ngnáthughadh
nádúrtha, go ngnáthughadh mínádurtha:
27 Agus mar an gcéudna na fir, ar
dtréigean ghnáthaighe nadúrtha na
mban dóibh, do laſadar ann a nain-
míanaibh, an fear a naghaidh a chéile,
na fir ag déunamh gráineamhlachda ris
na fearuibh, & fúaradar ionnta féin luáidheachd a ſeachráin, mar búdh cóir.
28 Agus amhail mar nár chuireadar
ſúim a néolus Dé do chongmháil: as
mar ſin tug Dia íadſan dinntinn neimh-
chéillidhe, ionnus go ndéunaidis neithe
nár bhiomchubhaidh;
29 Ar na líonadh do nuile éugcóir,
do mhailís, do dhrúis, do dhroich-
mhéin, do ſhaint, ar na líonadh do
thnúth, do dhúnmharbhadh, dó chean-
narraic, do mheabhail, do dhrochbhéu-
ſaibh, luchd ſiuſarnuighe.
30 Luchd ithiomráidh, luchd fúathaighe Dé, luchd tarcuiſne, dáoine uáibh-
reacha, mórdhálacha, luchd comtha
uilc, eaſúmhal daithreachaibh agus do
mhaithreachaibh,
31 Eigcéillidhe, neamhchoingheallach,
gan ghrádh nadúrtha, doriartha, neamh-
thrócaireach:
32 Noch ar naithne dhlighe Dé dhóibh,
(eadhon go dtuillid luchd na ngníomhſa
do dhéunamh, bás) ní hé amháin fós íad
féin dá ndéunamh, achd mar an gcéudna
cíomhnuid ſiad luchd a ndéunta.

CAIB. II.

Gu bhfuil Judvighe & na cinidhe faoi dondamnadh arſon pheacaidh.

AR a nadhbharſin ní héidir do leiſgél
a ghabháil, a dhuine gidh bé ar
bith thú dhamnuigheas [duine eile:] Oír
ann ſa ní a ndáorann tú neach eile, dáo-
radh tú thú féin; óír thuſa dháorus
[duine eile] do ní tú na neithe céadna.
2 Achd atá a fhios aguinne go bhfuil
breitheamhnas Dé do réir na fírinne, a
naghuidh na muinntire do ní ionnſa-
mhail na neitheadh ſin.
3 Agus an meaſann tuſa ſo, O a dhuine
dhamnuigheas an dream do ní a lei-
theid ſúd, agus thú féin dá ndéunamh,
go racha tú as ó bhreitheamhnus Dé?
4 Nó an dtarcuiſnidheann tú ſaidh-
bhreas a mhaitheaſa, agus a fhoighide,
agus ſhoide a fhulaing, gan a fhios
agad go dtréoruigheann maitheas Dé
thú chum aithrighe?
5 Achd do réir do chruáis féin, agus
do chroidhe neamhaithrigheach, taiſgidh
tú dhuit féin féarg, fá chomhair láoi
na feirge, agus fhoillſighthe cheirtbhrei-
theamhnuis Dé:
6 Noch a bhéuras dá gach éinneach
do réir a ghníomhartha:
7 Eadhon don druing íarrus tré fhoi-
ghid na deaghoibre, glóir, agus onóir
agus neamhthruáilleadh, an bheatha
mharrthanach:
8 Achd don dreim atá ceannairceach,
agus nach umhluigheann don fhírinne,
achd chreideas do néagcóruigh, [do
bhéurthar] díomdha agus fearg.
9 Trioblóid agus doghruing air anam
gach áonduine do ní olc, na Júdaidhe
ar tús, agus an Ghréugaigh mar an
gcéudna.
10 Achd glóir, agus onóir, & ſíoth-
cháin do gach áon do ní maith, don
Júduighe ar tús, agus don Ghréugach
mar an gcéudna.
11 Oír ní bhfuil cion ag Día ar phear-
ſain ſeach a chéile.
12 Oír an mhéid do pheacuigh gan an
dligheadh, rachuid a mugha gan an dli-
gheadh: & an mhéid do pheacuigh ſa
dligheadh, daiméontar íad leis a ndli-
gheadh,
13 (Oír ní híad luchd éiſdeachda an
dlighidh atá na bhfírénchuibh a bhfiadh-
nuiſi Dé: achd luchd choimhlíonta an
dlighidh a ſíad ſháorfuidhear.
14 Oír na cineadhacha ag nach bhfuil
an dligheadh, do níd ſiad ó nádúir na
neithe bheanas ris an dligheadh, íad ſo
ag nach bhfuil an dligheadh aca, atáid
ſíad na ndligheadh dhóibh féin.
15 Noch fhoillſigheas obair an dli-
ghidh ſgríobhtha ann a gcroidhthibh, ar
mbeith dá gcogús ag déunamh fíadh-
nuiſe má raon ríu, & a ſmuáintighthe
ag éiliughadh a chéile, nó fós ag gabháil
a leiſgéil.)
16 Ann ſa lá an a mbéura Día breith
ar ſheicréidibh na ndáoine tré Íoſa
Críoſd, do réir mo ſhoiſgéilſi.
17 Féuch, goirthear Júduidhe dhíotſa
agus múinighidh tú as a ndligheadh, &
do ní tú mordháil as Día,
18 Agus atá fios a thoile agad, agus
dearbhuidh tú na neithe as féarr, ar
mbeith foghlomtha dhuit ón dligheadh:
19 Agus atáoi dóchalach go bhfuil tú
ad éoluighe ag na dalluibh, ad ſholas
ag an muinntir atá a ndorchadas,
20 A thior múinte na ndáoine neimh-
eagnuidhe, ad theagaſgóir na leanabh,
ar ſon go bhfuil foirm a néoluis agus
na fírinne agad ſa dligheadh.

 21 Thuſa

21 Thuſa ar a nadhbharſin mhúineas
duine eile, créd nach múineann tú thú
féin ? thuſa ſheanmóireas Gan ghoid do
dhéunamh, a ndéunann tú féin goid ?
22 Thuſa a deir Gan adhaltrannas do
dhéanamh, a ndéanann tú féin adhal-
trannas ? thuſa agá bhfuil gráin ar na
hiodhaluibh, an ſladann tú a neaglais ?
23 Thuſa do ní mórdháil as a ndli-
gheadh, an dtabhair tú eaſonóir do
Dhia tré bhriſeadh an dlighe ?
24 Oír maſluighthear ainm Dé thríbh-
ſi eidir na cineádhachluibh, mar atá
ſgríobhtha.
25 Oír is tarbhach an timcheallghear-
radh go deimhin má coimhéudann tú
an dligheadh : achd más fear bhriſde
an dlighidh thú, atá do thimcheallghear-
radh gan bheith na thimcheallghear-
radh.
26 Ar a nadhbharſin má choiméudann
an neamhthimcheallghearradh ordaighe
an dlighe, a né nách meaſfuighthear a
neamhthimcheallghearradh do bheith na
thimcheallghearradh.
27 Agus a né nach daiméona an
neamhthimcheallghearradh atá ó nadúir,
má choimhéudann ſé an dligheadh, thuſa
atá ad fhior ſáruighe an dlighe trés an
litir & trés an dtimcheallghearradh.
28 Oír ní hé an tí atá go follas, is
Júduighe ann ; ná fós an dtimcheall-
ghearradh atá go follas ſa bhfeóil, is
timcheallghearradh :
29 Achd an té atá ós íseal na Júdui-
dhe, agus timcheallghearradh an chroi-
dhe, ann ſa ſpioruid, agus ní ſa litir :
agá bhfuil a mholadh, ní ó dhaóinibh,
achd ó Dhía.

CAIB. III.

O ſharuigh na Júduighe an Reachd, 28 ſé Creideamh is dídean dóibhſi, & do na cineadhachaibh.

MAſeadh créd é an bárr atá ag an
Júduidhe, nó créd é tarbha an
timcheallghearrtha ?
2 Is mór é ar gach áonchor ; a chéad-
dair, do bhrígh gur riuſan do tháobh-
adh briathra Dé.
3 Oír créd é an cháis má nár chreid-
eadar dream áirighe dhíobh ? a ndéu-
na a neamhchreideamhſa fírinne Dé
gan eiſeachd ?
4 Nár léige Día ſin : achd bíodh Día
fírinneach, agus gach uile dhuine bréu-
gach, mar atá ſgríobhtha, Ar chor go
ſaorfuidhe thú ad bhriathruibh, agus go
mbeartha buáidh, an tan bheireas tú
breith.
5 Achd má neartuigheann ar néag-
cóirne cóir Dé, créd a déaram ? An
bhfuil Día éagcórach do ní dioghaltus ?
(mar dhuine labhruim.)
6 Nár léige Día ſin : oír don táobh
eile cionnas bhias Día na bhreitheamh
ar a ſaoghal ?
7 Oír má mhéudaighe fírinne Dé trém
bhréigſi chum a ghlóireſion, créd fá
a ndamantar miſi fós mar pheacach ?
8 Agus créd fá nach déanamaóis
uilc, ionnus go dtiocfadh maithe dhíobh,
(do réir mar mhaſlaighthear ſinne, &
mar a deirid dáoine áirighe) ar a ndig
damnadh ó cheart, go nabramaóid ?
9 Créd eile má ſeadh ? an bhfuilmid-
ne ar breith bháirr ? ní bhfuilmid ar
éanchor : óir do ſhuigheamar roimhe
ſo na Júduighe agus na Gréaguigh
uile do bheith fá pheacadh.
10 Mar atá ſgríobhtha, Ní bhfuil fíréan
ann, fós ní bhfuil áonnduine :
11 Ní bhfuil neach ann thuigeas, ní
bhfuil neach iarrus Día.
12 Do chláonadar uile, atáid ſiad a
néinfheachd ar na ndéunamh mítharr-
bhach : ní bhfuil neach ann do dhéa-
nadh maith, ní bhfuil go héinneach.
13 As uáimh oſguilte a ſgórnach, do
rinneadar meabhail lé na dteangthuibh,
[atá] neimh na naithreach neimhe fá
na bpuſuibh.
14 Agá bhfuil a mbéul lán do mhal-
lachadh agus do ſhearbhas.
15 Atáid a gcoſa lúath chum fola
dhórtadh :
16 Agá bhfuil briſeadh croidhe agus
anſhógh ann a ſlighthibh :
17 Agus níor aithnigheadar ſlighe na
ſíothchána :
18 Ní bhfuil eagla Dé a bhfiadhnui-
ſi a ſúl.
19 Agus atá a fhios aguinne gidh bé
ar bith neithe a deir an dligheadh, gur
ris a ndreim atá ſan dligheadh labh-
rus ſé : ionnus go dtochdfuidh gach
uile bhéul, agus go mbeith an domhan
uile cionntach do breitheamhnus Dé.
20 Ar a nadhbharſin ní ſaorfuidhther
éinneach na fhiadhnuiſiſion ó obri-
ghibh an dlighe : óir is trés an dligheadh
tig aithne an pheacuigh.
21 Achd a nois a néagmhuis a dli-
ghe atá ceart Dé ar na dhéunamh fol-
las, ar na dhearbhadh lé fiadhnuiſi an
dlighe agus na bhfáidheadh.
22 Ceart Dé [a deirim] tré chrei-
deamh Jóſa Críoſd dá gach áonduine,
agus ar gach áon chreideas : óir ní
bhfuil eidirdhealughadh ann.
23 Oír do pheacaigh a nuile dhuine,
agus atáid a négmhuis ghlóire Dé.
24 Agus atáid ar na ſáoradh a nai-
gidh ré na ghráſuibhſean trés an bhfuaſ-
gladh do rinneadh lé Híoſa Críoſd :
25 Noch do órduigh Día na cheann
réidhtigh tré chreideamh ann a fhuil,
chum a fhíréantachda dfoillſiughadh, tré
mhaithmheachas na bpeacadh do
chuáidh tharuinn,
26 A bhfoighid Dé, chum a fhí-
réantachda féin dfoillſiughadh ann ſa
naimſirſi do lathair : ionnus go mbíadh
ſé féin ceart, agus go ſaorfadh ſé an
té atá do chreideamh Jóſa.
27 Ar a nadhbharſin, cáit a bhfuil an
mhórdháil ? atá ſi ar na cur amach.
Gia

Dia an dligheadh [lér cuireadh amach í ?]
an [tré dhligheadh] na noibreacha ? Ní
headh, ach tré dhligheadh an chreidimh.
28 Measamuid ar a nadhbharsin, gur
lé creideamh shaorthar an duine a
néagmhuis oibreach an dlighe.
29 An leis na Júdaighibh amháin
Día ? a né nach leis na cineadhachuibh
é mar an céadna ? go deimhin [a sé
Día] na gcineadhach é leis.
30 Oír is éin Ndía shaorsas an tim-
cheallghearradh ó chreideamh, agus an
neamhthimcheallghearradh tré chrei-
deamh.
31 Uime sin a ndéunmáoid an dli-
gheadh neamhthábhachdach tré san
gcreideamh ? Nár léige Día sin : achd
lés neartuighemíd an dligheadh.

CAIB. IV.

Gurab tré Chreideamh amháin, do mheasadh gach duine, Firinneach.

Uime sin créd a déaram fuáir Abra-
ham ar nathair, do réir na féola ?
2 Oír más ó oibreacha do sáoradh
Abraham, atá adhbhar máoidhfeachuis
aige, achd ní a dtáobh De.
3 Oir créd a deir an sgriobtûr ? Do
chreid Abraham do Dhía, agus do
measadh sin dó már fhíréantachd.
4 Achd don té do ní obuir, ní do
réir ghrás mheasdar túarasdal dó, achd
dó réir fhíach :
5 Achd don té nach déineann obair,
ach chreideas ann sa tí shaorus an
duine neamhdhíadha, measdar a chrei-
deamh mar fhíréantachd.
6 Amhail a deir Dáibhí mar an gcéud-
na, Gur beannuighe an duine dhá mea-
sann Día fíréantachd gan oibreacha :
[ag rádh,]
7 Is beannuighe an dream agá bhfuil
a ndroichghníomhartha ar na maitheamh
dhóibh, agus agá bhfuilid a bpeacuigh
ar na bhfolach :
8 Is beannuighe an té ag nach ccuírfi
an Tighearna peacadh na leith.
9 Ar a nadhbharsin an ann sa tim-
cheallghearradh amháin atá an beanna-
chadh sa, nó fós ann sa neamhthimcheall-
ghearradh? óir a deirmíd gur measadh a
chreideamh Dábraham mar fhíréantachd
10 Maseadh cionnas do measadh dhó
é ? a né a núair do bhí sé sa timcheall-
ghearradh, nó a núair nach raibh ? Ní
ann sa timchillghearradh, achd ann sa
neimhthimchillghearradh.
11 Agus do ghlac sé comhartha an
timchillghearrtha, séula fíréantachda an
chreidimh do bhí aige an sa neamh-
thimcheallghearradh, ionnus go mbeith
sé na athair ag gach áon do chreidfeadh
san neimhthimchillghearradh, do chum
go measfuidhe fíréantachd dhóibhsean
mar an gcéudna :
12 Agus na athair an timchillgearrtha,
ní hé amháin don dreim atá don
timchillghearradh, achd mar an gcéud-
na don dreim leanas lurg chreidimh ar
nathar Abraham, noch do bhí aige ann
sa neimhthimchillghearradh.
13 Oír ní tré san dligheadh [do
rinneadh] an gealladh Dabraham nó dhá
shliochd, go mbiadh sé na oighre ar an
domhan, achd tré fhíréantachd an
chreidimh.
14 Oír má atá muinntir an dlighe
na noidhrighibh, atá an creideamh ar na
dhéunamh diomháoin, agus an gealladh
neamhthábhachdach.
15 Do bhrígh go noibrigheann an dli-
gheadh fearg : óir gidh bé áit nach bhfuil
dligheadh, ní bhfuil briseadh dlighe
ann sin.
16 Uime sin is ó chreideamh [atá a
noidhreachd,] ionnus [go mbiadh sí] tré
ghrásuibh, chum na geallamhna do bheith
diongmhála don tsíol uile : ní hé amhain
don chuid [atá] don dligheadh, achd mar
an gcéudna don chuid [atá] do chreideamh
Abraham, atá na athair aguinne uile.
17 (Mar atá sgríobhtha, Do órduigh
me thú ad athair do chineadhachuibh
iomdha,) a bhfiadhnuisi Dé dar chreid sé,
noch a bhéodhuigheas na mairbh, agus
ghoireas na neithe nach bhfuil, amhail
as do bheidis ann.
18 [Abraham] noch do chreid sa dhó-
chus a naghuidh dóchuis, go mbiadh sé
na athair iomad cineadhach, do réir mar
a dubhradh; Is mar sin bhías do shíolsa.
19 Agus ar mbeith neimhmeirbh dhó
a gcreideamh, níor chuir sé iona suim
go raibh a chorp féin cheana gan
spracadh, ar mbeith dhó a dtimcheall
chéd blíadhan, na [fós] a neimhmbriogh-
mhuireachd bhronn Shára.
20 Agus níor chuir sé cunntabhairt a
ngealladh Dé lé míchreideamh : achd
do neartuigheadh é a gcreideamh, ag
dtabhairt ghlóire do Dhía :
21 Agus do bhí a láindeimhin aige,
an té thug an gealladh, gur cumh-
achdach é ar choimhlionadh.
22 Ar a nadhbharsin do measadh so
dhó mar fhíréantachd.
23 Gidheadh ní ar a shonsan amháin
do scríobhadh gur measadh so dhó :
24 Achd mar an gcéudna air ar
soinne dá measfuighear é, ma chreidmíd
ann sa té do dhúisigh Jósa ar Dtighearna
ó mharbhuibh.
25 Noch do bháluigeadh air son ar
gciontaine, agus do haithbheódhuigheadh
chum sinne shaoradh.

CAIB. V.

Toradh na Saoirsinne tré Chreideamh ; 12 & Coimhshíneadh Adhaimh & Chriosd re chéile.

AR a nadhbharsin tar éis ar saortha
tré chreideamh, atá síothcháin
aguinn ré Día, tré ar Dtighearna Jósa
Críosd :
2 Tré na bhfúaramar mar an
gcéadna slighe trés an gcreideamh chum
na ngrása ann a seasmáoid agus a
ndéanmáoid gáirdeachas sa mbuiníghin
ghlóire Dé.

3 Agus, ní hé amháin, achd do nimíd
gáirdeachus mar an gcéadna a dtriob-
lóidibh, do bhrígh go bhfuil a fhios aguinn
go noibrigheann an trioblóid, foighid:
4 Agus an fhoighid, dearbhadh; agus
an dearbhadh, dóchus:
5 Achd ní adhnáirgheann an dóchus,
do bhrígh go bhfuil grádh Dé ar na
dhórtudh an ar gcroidhibhne trés an
Spiorad náomh atá ar na thabhairt dúinn.
6 Oír do fhulaing Críoſd bás na am
féin ar ſon na ndaóineadh neimhdhía-
dha, an tan do bhámar fós anbhann.
7 Oír go deimhin is decair go bhfui-
leongadh duine bás ar ſon fhírénuigh:
óir dob éidir go lamhthadh duine éigin
bás dfulang ar ſon dhuine mhaith:
8 Achd foillſighidh Día a ghrádh
féin dúinne [ann ſo,] do bhrígh ag
mbeith dhúinn fós ar bpeacachuibh, gur
fhuiling Críoſd bás air ar ſon.
9 Ar a nadhbharſin tar éis ar ſáortha
a nois lé na fhuilſion, is mó go mòr
choimhéudfuidhthear ſinn thrídſion ó
fheirg.
10 Oír má réidheadh eadruinne agus
Día tré bás a mhic, a nuáir do bhámar
ar náimhdibh: is mó ná ſin go mór ar
mbeith a nathmhuinnteardhas dúinn
choimhéadfuighthear ſinn tré na bhea-
thaſan.
11 Agus ní hé ſin amháin, achd már
an gcéudna do nímíd máoidheamh a
Ndia, tré ar Dtighearna Jóſa Críoſd, tré
a bhfúaramar a nois an tathmhuinn-
teardhas.
12 Ar a nadhbharſin mar tháinic an
peacadh air a tſáogal tré áonduine
amháin, agus an bás trés an bpeacadh:
is mar ſin ráinic an bás na huile
dhaóine, ar ſon gur pheacuigheadar uile.
13 Oír gus an dligheadh do bhí an
peacadh ann ſa tſáoghal, achd ní cuir-
thear an peacadh a leith dhuine a nuáir
nách bionn dligheadh ann.
14 Gidheadh do bhí rioghachd ag an
mbás ó Adhamh go Maóiſi, ar a ndreim
fós nar pheacaigh do réir chosamhlach-
da eaſumhlachda Adhuimh, noch atá na
fhioghair ag an té úd do bhí chum teachda
15 Achd ní mar an gcoir, atá an
tiodhlacadh; óir má fúaradar mórán
bás tré thuitim áonduine amháin, is
romhó na ſin do acfuinnigh grás Dé, &
an tiodhlacadh tré ghrás a náonduine
Jóſa Críoſd, do mhórán.
16 Agus ní mar an tâonduine do
pheacuigh [atá] an tabhartas: óir [thái-
nic] an breitheamhnus tre áonchoir a-
mháin chum dámanta: achd [táinic] an
tabhartus ó iomad cionntadh chum
ſáortha.
17 Oír más do bhrígh áonchoire a-
mháin do ghabh an bás rioghachd tré
áonduine, is mó ná ſin go mór do
ghéubha an mhuinntir ghlacas fairſingi
ghráſa agus thabhartais na fireantachda,
rioghachd a mbeatha tré áon [eadhon]
Jóſa Críoſd.

18 Ar a nadhbharſin amhail as tré
aónchoir amháin [tháinic breitheam-
mhnus] air ná huile dhaóinibh chum
damanta: is mar ſin [tháinic an tabhar-
tus] tré áontſáoradh amháin air gach
uile dhuine, chum ſáortha na beatha.
19 Oír mar is tré eaſumhlachd
éunduine amháin, do rinneadh peacuigh
do mhorán, is mar ſin tré umhlachd éun-
duine amháin, do dhéantar fíreanuigh
do mhórán.
20 Achd tháinic an dligheadh, ionnus
go méiddeóchthaoí an choir: achd ſa
bhall ár mhéuduigh an peacadh [is ann]
rug an grás bárr.
21 Ionnas dó réir mar do thighearnuigh
an peacadh chum báis, go dtighearnó-
chadh grás mar an gcéudna tré fhí-
réantachd chum na beatha marthanuighe,
tré Joſa Críoſd ar Dtighearna.

C A I B. VI.

As chum peacadh do ſcrios, 4 aithghinter duine tré Baiſde, 12 & fhásas é a Gcríoſd.

AR a nadhbharſin créd a déurum? an
bhfanfum a gcomhnuidhe a bpeac-
adh, ionnus go líonfadh grás [Dè?]
2 Nár leige Día ſin. Cionnas do
fhéadfamaóiſne atá marbh don pheacadh,
fuireach béo fós ann?
3 A né nach bhfuil a fhios agaibh,
an mhéid dhínne do baiſdeadh a Níosa
Críoſd, gur baiſdeadh ſinn ann a bhás ſan?
4 Ar a nadhbharſin atámuid adh-
laice máráon riſean tré bhaiſdeadh
chum báis: ionnus do réir mar do
tógbhadh ſúas Críoſd ó mharbhaibh,
chum glóire a Nathar: gur mar ſin mar
an gcéudna do dhéunmais ſiubhal a
nuáidheachd beatha.
5 Oír dá raibh ſinn air ar bplan-
dughadh maráon riſion a gcoſmhuileas a
bháis: bíam mar an gcéadna a gcoſ-
mhuileas a eiſéirghe:
6 Ar mbeith fhios ſo aguinn, go
bhfuil ar ſeanduine ar ná chéuſadh maráon
riſion, do chum go ſgriosfuidhe corp an
pheacaidh, ionnus nách déanamaóis
ſeirbhís ó ſo ſúas don pheacadh.
7 Oír an tí fuáir bás, is ſáor é ó
pheacadh.
8 Agus má fúaramar bás maráon ré
Críoſd, creidmíd go mairfeam mar an
gcéudna maráon ris.
9 Ar mbeith a fhios aguinn, ar néirghe
do Chríoſd ó mharbhaibh nach bhfuighe
ſé bás ní ſa mhó: ní bhfuil tighearnus
feaſda ag an mbás air.
10 Oír ar bhfaghail bháis dó, is
don pheacadh fuáir ſé bás éunuair
amháin: achd ar mbeith béo dhó, is
do Dhía atá ſé béo.
11 Agus mar an gcéudna is meaſdh
dháoibhſi go bfuiltí marbh don pheacadh,
agus béo do Dhía, tré Jóſa Críoſd ar
Dtighearna.
12 Ar a nadhbharſin na biodh rio-
ghachd ag an bpeacadh ion bhur gcorp
ſómharbhtha, ionnus go dtiubhradh ſibh
umhlachd dó ann ainmhianaibh.

13 Agus

13 Agus na tugaidh bhur mbaill na
nármuibh éugcóra don pheacadh : achd
tugaidh ſibh ſéin do Dhía, mar [dhruing]
atá béo ó mharbhuibh, agus bhur
mbaill na nármuibh ſiréantachda do Dhía.
14 Oír ní bhiáidh tighearnus ag an
bpeacadh oraibh, do bhrígh nách ſáoi an
dligheadh atá ſibh, achd ſaói ghráſuibh.
15 Créd eile maſeadh ? a ndéanam
peacadh, ar a nadhbhar nách bhſuilmid
ſaói an dligheadh, achd ſaòi ghráſuibh ?
nar léige Día ſin.
16 An é nach bhſuil a ſhios aguibh ;
gidh bé dhá dtabharthaói ſibh ſéin mar
sheirbhíſeachuibh chum umhlachda, gur
ſeirbhíſigh ſibh don tí dá numhlaighthí,
más do pheacadh chum báis, nó
dumhlachd chum ſiréantachda ?
17 Achd buidheachas ré Día go ra-
bhabhair bhur ſeirbhíſeachuibh ag an
bpeacadh, achd dumhlaigh ſibh ó chroídhe
don ſhoirm theaguiſg do tugadh dhíbh.
18 Agus ar mbeith dhíbh ar bhur
ſaoradh ó pheacadh do rinneadh
ſeirbhíſigh don ſhiréuntachd dhaóibh.
19 Is mar dhuine labhrum, ar ſon
anbhſainne bhur bhſéolaſa : Oìr do réir
mar thugabhair bhur mbaill na ſeirbhíſea-
chuibh do neamhghloine agus do bhri-
ſeadh na naitheantadh chum éagcóra :
tabhruidh a nois mar an gcéudna bhur
mbaill na ſeirbhíſeachuibh don ſhiréan-
tachd chum náomhthachd.
20 Oír an tan do bhí ſibh bhur ſeir-
bhíſeachuibh ag an bpeacadh, do bhí
ſibh ſáor ó ſhiréuntachd.
21 Ar a nadhbharſin créd é an
toradh ſúarabhair a nuáirſin ann ſna
neithibh ſá a bhſuil náire a nois oraibh ?
Oír as é as críoch dhóibh bás.
22 Achd a nois ar mbeith dhaóibh
ar bhur ſaoradh ó pheacadh, & ar bhur
ndéunamh bhur ſeirbhíſeachuibh do
Dhía, atá toradh aguibh chum náomh-
thachda, agus an chríoch dheigheanach,
an bheatha mharrthanach.
23 Oír aſé as túaraſdal don pheacadh,
bás : achd [aſé] tabhartus Dé, an
bheatha mharrthanach, tré Ioſa Críoſd
ar Dtighearna.

CAIB. VII.

Go bhfuil duine, marbh don Reachd (noch ſfeuchas a choire dhó, nach eidir leis a chladh, tré chath na mbaill re na inntinne;) 25 ach beó tré Chreidimh Chríoſd.

A Né nach bhſuil a ſhios aguibh a
dhearbhraithre, (óir as ris an luchd
agá bhſuil ſios an reachda labhrum)
go bhſuil cumhachda ag an reachd ar
dhuine, ar feadh a ſháoghail ?
2 Oír an bhean atá póſda ré fear, atá
ſi ceangailte dhe feadh a ſháoghail, do
réir an reachda : gidheadh dá bhſaghadh
a fear bás, atá ſiſe ſaor ó reachd a nfir.
3 Uime ſin ré ſáoghal a ſir dá raibh
ſi ag fear eile, goirfighthear meirdreach
dhí : gidheadh dá bhſaghadh a fear bás,
atá ſi ſaor ón reachd, ionnus nach meir-
dreach í, ar ſon í bheith ag fear eile.
4 Ar a nadhbharſin a bhraithreacha,
atá ſibhſe leis marbh don reachd tré
chorp Chríoſd : ionnus go mbíadh ſibh
ag fear eile, noch do tógbhadh ſuas ó
mharbhaibh, chum toraidh do thabhairt
dúinn do Dhía.
5 Oír an tan do bhámair ſa bhſeóil,
do bhiodh míangus na bpeacadh trés an
reachd ag oibriughadh ann ar mballaibh,
chum toraidh do thabhairt chum báis.
6 Achd a nois atámaid air ar ſaoradh
ón reachd, ar mbeith don ní lér
congmhadh ſinn, marbh: ionnus go ndéa-
namaóis ſeirbhís a nuáidheachd na ſpio-
raide, & ní an narſaigheachd na leitre.
7 Ar a nadhbharſin créud a déuram ?
a né gur peacadh an reachd ? nar
léige Día ſin. Gidheadh ní raibh ſios
peacaigh agum achd trés an reachd :
Oír ní bhíadh éolus air mhiangus agum,
muna nabradh an reachd, Na bíodh
míanghus ort.
8 Agus ar ngabháil chionſátha don
pheacadh trés a naithne, do oibrigh ſé
ionnum gach uile ghné mhíanghuis, óir
a bhſéugmhuis an reachda [do bhí] an
peacadh marbh :
9 Agus do bhí miſi ar uáiribh beó
aj bhſéugmhais an reachda : achd ar
dteachd do náithne, do aithbhéodhaidh
an peacadh, agus ſuáir miſi bás.
10 Agus a náithne úd [do hórduigheadh]
chum beatha, ſríth dhamhſa í chum báis.
11 Oír ar ngabháil chionſátha don
pheacadh trés a náithne, do mheall ſé
mé, agus lé ſin do mharbh ſé mé.
12 Ar a nadhbharſin atá an reachd
gan amharas náomhtha, & a náithne
náomhtha, & combthrom, agus maith.
13 Uime ſin, an bhſuil a ní maith
ar na dhéunamh na bhás dhámhſa ?
nar léigidh Día ſin. Achd an peacadh,
ionnus go mbíadh ſé ſollus na pheacadh,
doibrigh ſé bás ionnum, trés a ní maith,
do chum go mbíadh an peacadh na
pheacadh áidhbhéileach trés a náithne.
14 Oír atá a ſhios aguinn go bhſuil
an reachd ſbioradálta, achd atáimſe col-
laighe ar mo reic ſaói pheacadh.
15 Oír ní thuigim an ní do ním : óir
ní hé an ní is mían ríom do ním, achd
a ní ſúathaighim, a ſé do ním.
16 Agus má ſé a ní nach mían ríom,
dó ním, tigim ris an reachd gur maith é.
17 Ar a nadhbharſin ní miſi feaſda
do ní é, achd an peacadh chomhnaigheas
ionnum.
18 Oír atá a ſhios agam nach bhſuil
maith ar bith na comhnuidhe ionnum,
eadhon am ſheóil: óir atá an toil a bhſogus
damh, achd ní ſhaghuim [ſlighe ar bith]
chum na maitheaſa do chríochnughadh.
19 Oír ní dhéanuim an mhaith is
mían ríom : achd an tolc nach mían
ríom, a ſé do ním.
20 Agus má nímſe a ní nach mían
ríom, ní miſi do ní é feaſda, achd an
peacadh chomhnuigheas ionnum.

21 Ar a nadhbharſin do gheibhim
dligheadh, an tan is mían riom maith
do dhéanamh, go bhfuil an tolc do
lathuir agam.
22 Oír atá ſonn agam a reachd Dé,
do réir an duine tíobh aſdigh:
23 Achd do chím reachd eile ann mo
bhallaibh ag cathughadh a naghaidh
reachda minntinne, agus dom thabhairt
a mbruid do reachd an pheacaidh,
noch atá am bhallaibh.
24 Uch mo thruaighe: cía ſháorſus mé
ó chorp an bháis ſo?
25 Beirim buidheachus ré Día tré
Jóſa Críoſd ar Dtighearna. Uime ſin do
nímſe go deimhin am intinn ſeirbhís do
reachd Dé, achd am ſheóil do reachd
an pheacaidh.

CAIB. VIII.

Saoirſe & ſtor-dhóchas na ndaoine mbaireas ſa reachd na Spioruide.

AR a nadhbharſin ní bhfuil damnu-
ghadh ar bith a nois don dreim
atá a Níoſa Críoſd, nach ſiobhlann do
réir na féola, achd do réir na Spioruide.
2 Oír do ſháor dligheadh Spioruide na
beatha a Níoſa Críoſd, miſi ó dhligheadh
an pheacaidh agus an bháis.
3 Oír an ní nár bhéidir don dligheadh
do dhéunamh, ar mbeith dhó anbhfann
trés an bfeól, ar gcur a mhic féin do
Dhia a gcoſamhlachd cholla an pheac-
uigh, ar ſon peacaigh, do dhamnuighe
ſé an peacadh ſa ccoluinn.
4 Ionnus go gcoimhlionſuidhe ceart
an dlighe ionnuine, nach ſiobhlann do réir
na colla, achd do réir na Spioruide.
5 Oír an dream atá do réir na
féola, ſmuáintighid ſiad neithe bheanas
ris an bhfeóil: achd an dream atá do
réir na Spioruide, na neithe bheanas ris
an Spioruid.
6 Oír is bás gliocas na feóla: achd
is beatha agus ſiothcháin gliocas na
Spioruide:
7 Oír is námhadus a naghuidh Dé
gliocas na féola, óir ní umhluigheann
ſé do dhligheadh Dé: agus fós ní
héidir leis.
8 Ar a nadhbharſin an dream atá
do réir na féola, ní héidir leó toil
Dé do dhéunamh.
9 Achd ní bhfuiltiſi do réir na feóla,
achd do réir na Spioruide: má atá
Spiorad Dé na comhnuidhe ionnuibh.
Achd gidh bé nach bhfuil Spiorad
Chríoſd aige, ní lé Críoſd an duine ſin.
10 Agus má atá Críoſd ionnuibh,
[atá] an corp go deimhin marbh do
thaóibh an pheacuigh: achd [is] beatha
an Spiorad tré ſhireántachd.
11 Achd má chomhnuigheann ionnuibh
Spiorad an té do dhúiſigh Ióſa ó
mharbhuibh: an té do dhúiſigh Críoſd
ó mharbhuibh, béodhachaigh ſé bhar
gcuirp ſho-mharbhthachaſa mar an
gcéudna, tré na Spioruidſion chomhnui-
gheas ionnuibh.
12 Uime ſin a bhráithreacha, ní don
ſheóil atámaóid ar bhféitheamhnuibh,
ar chor go gcaithfeadhmaóis ar mbeatha
do réir na féola.
13 Oír más do réir na féola chaithſidhe
bhar mbeatha, do ghéubthaói bás: achd
má mharbhthaói gníomhartha na colla
leis an Spioruid, do gheubhthaói beatha.
14 Oír an mhéid thréoruighthear lé
Spiorud Dé, a ſiad clann Dé íad.
15 Oír níor ghabhabhair chugaibh
Spiorad na ſeirbhíſe a rís chum eagla, achd
do ghabhabhair chuguibh Spiorad athar-
ghadh na cloinne, tré ngoirmíd Abba
a athair.
16 Do ní an Spioradſa fíadhnuiſi lé ar
ſpioruidne, gur clann do Dhia ſinn.
17 Agus más clann, is oidhrighe ſós
ſinn: oidhrighe gan amharas do
Dhía, agus comhoidhrighe do Chríoſd;
má ſhuilngmíd a néinſheachd [ris,] ion-
nus go mbemis a ccomhghlóir [ris.]
18 Oír meaſuim nach fíu na neithe
ſhuilngemíd ſa naimſirſe a láthair, an
ghlóir ſhoillſéochthar dhúinn.
19 Oír atá feitheamh díthcheallach
gach creatúir ag ſuireach ré ſoillſiughadh
chloinne Dé.
20 Oír atá an creatúir ſá mhurſan-
tachd an díomhaóinis, ní dhá thoil féin,
achd ar ſon an té dó chuir ſá mhur-
ſantachd é;
21 A muinighin go ſaorſuidhe an crea-
túir ſéin ó ſheirbhís na truáillidhea-
chda, go ſaoirſi ghlóire chloinne Dé.
22 Oír atá a ſhios aguinn go bhfuil
a nuile chreatúir ag oſnaighe, agus a
bpéin mar mhnaói ré cloinn má níor
rinne gus a nuáirſe.
23 Agus ní [hiadſan] amháin, achd
ſinne féin agá bhfuilid céadthórtha na
Spioruide, bímíd ag oſnaighe ionnuinn
féin ag feitheamh re athargadh na
cloinne, fuaſgladh ar gcuirp.
24 Oír as lé dóigh atámaóid ſabhálta;
achd má chíthear an dóigh, ní dóigh í:
Oír créd fá a mbíadh dóigh ag neach
ris an ní do chí ſé?
25 Achd má bhíonn ſúil aguinn ris an
ní nach bhfaicmíd, do nímíd ſuireach
tre ſhoighid.
26 Agus is mar an gcéadna ſhóireas
an Spiorad ar néagcrúaſne: Oír ní
bhfuil a ſhios aguinn créd do íarrfadh-
maóis a nurnuighe mar budh cóir: achd
do ní an Spiorad féin urnuighe air ar
ſon lé hoſnaidhibh dó-innſe,
27 Achd atá a ſhios ag ſgrúdaigh-
eóir na gcroidheadh cred é toil na
Spioruide óir is do réir [thola] Dé
ghuidheas ſé ar ſon na náomh.
28 Agus atá a ſhios aguinn go gcomh-
oibrigheann gach uile ní chum maitheaſ-
ſa do na daóinibh ghráduigheas Día, noch
atá ar na ngairm do réir òrduigheſion.
29 Oír an dream do réumhaithin ſé, do
réumhórduigh ſé a mbeith comhchoſmhail
díomhháigh a mhic ſéin, ar chor go mbeith
ſeiſean

ſeiſean na chédghein éidir mhórán dearbh-
bhrathar.
30 Agus an dream do thogh ſé roimh
láimh, do ghoir ſé íad mar an gcédna:
& an dream do ghoir ſé, do ſháor ſé íad
mar an gcéudna: & an dream do ſháor
ſé, Tug ſé glóir dhóibh mar an gcéudna.
31 Uime ſin créd a dèaram ſa na nei-
thibhſi? má [atá] Día linn, cia [ſhéa-
das bheith] ar naghuidh?
32 An té nar choigill a mhac díleas
ſéin, achd tug air ar ſoinne uile é, cionnas
nach ttiodhluigfeadh ſé dhúinn gach uile
ní maille ris?
33 Cía chuirſeas coirthe a naghuidh
dhaoine toghtha Dé? [a ſé] Día ſháoras.
34 Cía dhaimeonas? Críoſd ſúair bâs
Agus ſós do rinne a neiſéirghe: noch atá
ar deis Dé, & ſós ghuidheas air ar ſoinne.
35 Cía dhealóchas ſinn ó ghrádh
Chríoſd? trioblòid, nó amhgar, nó díbeirt,
nó gorta, nó lomnoehduighe, nó peiría-
cail, nó cloidheamh?
36 (Mar atá ſgríobhtha; Is ar do ſhon-
ſa mharbhthar ſinn ar feadh an láoi; atá-
maoid air ar meas mar cháorcha ré
hachd a marbhtha.)
37 Achd buáidhemíd ionnta ſo uile,
tres an té do ghrádhuigh ſinn.
38 Oír atá a dheirbhſhios agam, nach
bhfuil héidir lé bás, na lé beatha, na lé
hainglibh, ná lé húachdaranachduibh, ná
lé cumhachduibh, ná leis na neithibh atá
do láthair, ná leis na neithibh atá chum
teachda,
39 Ná lé hairde, ná lé doimhne, ná
lé creatúr ar bith eile, ſinne dhealughadh
ó ghrádh Dé, atá a Níóſa Críoſd ar Dti-
ghearna.

CAIB. IX.

Nar ſúaradur na Iúduidhe roimheſi ſochair do thuille ar na Geintleachaibh, amhluidh bheir Día cuibhrionn ghráſa is éifeachdaigh ddonduine no do dhuine eile.

ADeirim a nfírinne a Gcríoſd, ní
dhéunuim brég, ar mbeith dom cho-
gús ag déunamh fíadhnuiſe dhamh tres
an Spiorad náomh,
2 Go bhfuil tuirſi mhór oram, agus
doilgheas a gcomhnuidhe ar mo chroidhe
3 Oír do ordeóchuinn mé féin do bheith
dealuighthe ó Chríoſd ar ſon mo dhear-
bhraithreach, mo dhaoine gáoil do réir
na feóla.
4 Noch atá na Niſrahéluibh: ag ar
leó athargadh na cloinne, agus an ghlóir,
agus an tiomna, agus órdughadh an
reachda, agus ſeirbhis Dé, agus na geal-
lamhnacha.
5 Ag ar díobh na haithre, agus ó a
bhfuil Críoſd do réir na feóla, atá na
Dhía ós cionn na nuile, beannaighe go
ſiorruidhe. Amén.
6 Gidheadh ní héidir bríathar Dé a
bheith gan éiféachd: óir ní hé gach éun-
duine [thig] ó Iſrahél, atá na Iſrahélach.
7 Agus ní ar ſon go bhfuilid ſíad na
ſíol ag Abraham, [atáid] ſíad uile
na gcloinne; achd A Niſaac ain-
mneochar dhuit ſíol.
8 A ſé ſin ré a rádh; Ní híad clann
na féola, clann Dé: achd clann na geal-
lamhna mheaſtar mar ſhíol.
9 Oír a ſí ſo bríathar na geallamhna;
Tiocſuidh mé fá namſa a rís, agus biáidh
mac ag Sára.
10 Agus ní hé amháin, achd Rebec-
ca mar an gcéudna a nuáir do thoircheagh
í ó neach áirighe [eadhon] Iſáac ar
nathairne,
11 Oír ſuil rugadh [na leinibh] agus
ſuil do rinneadar maith ná olc, ar
chor go mbíadh órdughadh Dé do réir
na togha ſeaſhmhach, ní ó oibreachuibh
achd ón té ghoireas,
12 A dubhradh ría, Go ndéanadh an
té is ſeine ſeirbhís don té is óige.
13 Mar atá ſgríobhtha; Do ghrádhuigh
mé Jácob, agus do ſhúathuigh mé
Eſau.
14 Uime ſin créd a déaram? An
[bhfuil] éagcóir ag Día? Bíodh a bhfad
uáinn ſin do rádh.
15 Oír a deir ſé ré Máoiſe; Do dhéa-
na mé trócaire, ar an té ar a ndéu-
na mé trócaire, agus do dhéuna mé
truaidhe don té dhá ndéunuidh mé
truáidhe.
16 Ar a nadhbharſin, ní ón té lér ab
áill, ná on té ríothas [atá an togha]
achd ó Dhía do ní trócaire.
17 Oír a deir an ſgrioptúr ré Pharáo;
Is chuige ſo féin do thóig mé ſúas thú,
ar chor go bhfoillſeóchuinn mo chu-
mhachda ionnad, agus go ninneóſtáoi
mainm ar feadh na talmhan uile.
18 Uime ſin do ní ſé trócaire ar an
té is áill leis, agus cruáidhighe ſé an té
Is áill leis.
19 Achd a déará tú ríom; Maſeadh
créud fá bhfuil fearg air? óir cía chuir
a naghuidh a thola?
20 Achd ó a dhuine, cía thuſa thagrus
a naghuidh Dé? a naibeóra an ní do
cumadh ris an té do chum é, Créd fá a
ndearnuidh tú mé mar ſo?
21 A né nach bhfuil cumhachda ag
ceard na críadh ar an gcréafóig, ionnas
go ndéanadh ſé ſoitheach chum onóra, &
ſoitheach eile chum neamhonóra déan-
ádhbhar amháin?
22 Achd má dfulaing Día, chum a
fheirge féin a thaiſbéanadh, agus a chu-
mhachd do dhéanamh follus, tré iomad
foighide le ſoighthighibh na feirge do
hórduigheadh chum damanta?
23 Agus do chum go bhfoillſeóchadh
ſé ſaidhbhreas a ghlóire féin do ſhoithi-
ghibh na trócaire, do ullmhuigh ſé ó
thús chum glóire?
24 [Eadhon] dúinne noch do ghoir
ſé, ní as na Iúduidhibh amháin, achd fós
as na cineadhachuibh.
25 Mar a deir ſé fós a Noſea;
Goirfidh mé mo phobal féin don poba-
ná

nár leam: agus mo ghrádh féin don
mhnáoi nach raibh am ghradh.
26 Agus teigeamhuidh, an ſa nionad
a ndubhradh ríu, Ní ſibhſi mo phobalſa,
go ngoirfighear ſa náit chéadna díobh
Clann Dé bhí.
27 Agus éighidh Eſáias ar Iſrahél;
Bíodh go mbeith uimhir chloinne Iſrahel
mar ghaineadh na fairge, ſláinéochthar
a bhfuighleach.
28 Oír do dhéana ſé cúnntas, & cuir-
fidh ſé a naithghearr é maille ré comh-
throm: óir is cúntas aithghearr do dhéa-
na an Tighearna ar an dtalamh.
29 Agus mar a dubhairt Eſáias roi-
mhe, Muna bhfágbhadh Tighearna na
ſlúagh ſíol aguinn, do dhéantáoi ſinn mar
Shodom, agus do bhiadhmáois coſmhuil
lé Gomorra.
30 Ar a nadhbharſin créd a déaram?
go rugadar na cineadheacha nár lean
don fhíréantachd, ar an bhfiréntachd,
[.i.] an fhiréntachd atá ón chreideamh.
31 Achd Iſrahél do lean reachd na
fíréntachda, ní rangadar go reachd na
fíréantachda.
32 Créd uime? Do bhrígh nach ó
chreideamh, achd mar do bheith ó oib-
righthibh an reachda [do íarradar í:]
óir fúaradar oilbhéim fá chloich na hoil-
bhéime.
33 Mar atá ſgríobtha; Féuch, cuirim
a Sion cloch oilbhéime agus carruic
thuiſlidh, agus gidh bé chreideas ann,
ní bhfuighe ſé náire.

CAIB. X.

Gu bhfuil fíreantacht an Dlighe, ſa nduine, & a Niſrael amhain; ach fíreantacht an Chreidimh, a Ccríoſd, ag rochtain na nuile chineadh.

A Bhraithre, go deimhin atá deagh-
thoil mo chroidhe agus murnuighe
chum Dé ar ſon Iſráel, chum a ſlánuigh-
the.
2 Oír do ním dfíadhnuiſi dhóibh, go
bhfuil teas ghrádha Dé aca, achd ní
do réir éoluis.
3 Oír ar mbeith ainbhfeaſach dhóibh
a bhfíréantachd Dé, & ag íarruidh a
bhfíreantachd féin do ſheaſadh, níor íſli-
gheadar íad féin dfíréantachd Dé.
4 Oír a ſé Críoſd foircheann an
reachda chum fíréantachda dá gach áon
a chreideas.
5 Oír ſgríobhuidh Màoiſe ar an bhfí-
reantachd [thig] ón reachd; Gidh bé
duine dhéanus íad, mairfidh ſé tríotha.
6 Achd an fhíréantachd [thig] ó chrei-
deamh, is mar ſo a deir ſí; Na habair
ann do chroidhe féin, Cía rachas ſúas
ar neamh? is ionann ſin agus Críoſd
do thabhairt a núas.
7 Nò, cía rachas ſíos don dubhaigén?
is ionann ſin agus Críoſd do thabhairt
a rís ó mharbhuibh.
8 Achd créd a deir ſí? Atá an bhría-
thar a ngar dhuit, ann do bhéul agus an
do chroidhe, a ſí ſo bríathar an chrei-
dimh do nimíd do ſheanmóir.
9 Eadhon dá nadmha tú ód bhéul
an Tighearna Íóſa, agus dá gcreide tú
ad chroidhe gur thóg Día é ó mhar-
bhuibh, ſláinéochthar thú.
10 Oír is ris an gcroidhe chreidthear
chum fíréantachda, agus leis an mbéul
do níthear admháil chum ſlánaighe.
11 Oír a deir an ſgríoptúr; Gidh bé
chreideas annſan, ní bhfuighe ſé náire.
12 Oír ní bhfuil diffir ar bith eidir an
Iúdhuidhe agus an Gréugach ann: Oír
is éin Tighearna dhóibh uile, atá faidh-
bhir dá gach uile dhuine ghuidheas é.
13 Oír gidh bé duine ghuidhfeas ainm
an Tighearna, ſláinéochthar é.
14 Achd cionnas ghuidhfid ſíad an
té ann nar chreideadar? agus cionnas
chreidfid ſíad ann ſa té nach ccúaladar
teachd thairis? agus cionnas chluinfid
ſíad gan ſeanmóntuigh?
15 Agus cionnas do dhéanuid ſíad
ſeanmóir, muna chuirthear [chuige] íad?
Mar atá ſgríobhtha, O créd é bréagh-
achd chos na muinntire ſhoiſgéulas an
tſíothcháin, ſhoiſgéulas neithe maithe.
16 Achd níor umhluigheadar uile don
tſoiſgéul: Oír a deir Eſáias; A Thi-
ghearna, cía chreid dar ſeanmóirne?
17 Uime ſin is tré éiſdeachd [thig]
an creideamh, agus an téiſdeachd tre
bhréithir Dé.
18 Achd a deirimſe; A né nach
ccúaladar? Do chuáidh a bhfuáim go
deimhin fá gach uile thalamh, agus a
mbríathra go leithimeal an domhain.
19 Achd a deirim; A né nách raibh
a fhios ag Iſrahél? a deir Máoiſe ar
tús; Cuirfidh mé tnúth oruibh lé [ci-
neadh] nach bhfuil na chineadh: lé
cineadh mío-thuigſeach cuirfidh mé fearg
oruibh.
20 Agus atá Eſáias dána, agus a deir
ſé; Fríth mé leis a ndreim nach ar
íarr mé: Do rinneadh follus mé don
dreim nár íarr mo thúaraſgbháil.
21 Achd a deir ſé a naghuidh Iſra-
hél; Do ſhín mé amach mo lámha
feadh an làoi chum pobuil eaſumhuil,
labhrus am aghaidh.

CAIB. XI.

Ata fuigbioll do thoradh Iſrael ar na dtoghadh; 16 ach iompochtar fos lan-thoradh dhíobh.

Uime ſin fíafruighim, Nar theilg Día
a phobal féin úadha? nár léige
Día ſin: Oír is Iſrahélach miſi féin do
ſhliochd Abraham, do threibh Bheniamin.
2 Níor theilg Día úáidh a phobal
féin do aithin ſé ó thús. A né nách
bhfuil a fhios aguibh créd a deir an
ſcrioptúr a dtimcheall Elías: cionnas do
ní ſé caſaoide ré Día a naghaidh Iſra-
hél ag rádh:
3 A Thighearna, do mharbhadar
thfaidhe: agus do leagadar ſíos hal-
tóracha: agus do fágbhadh miſi am
áonar, agus atáid ſíad ag íarruidh
manma.

4 Achd créd é an fhreagra do bheir
Día air ? Do choimhèd mé dhamh féin
seachd míle fear nár fhill a nglúine
do Bhaal.
5 Ar a nadhbharsin is mar sin do
fágbhadh fáoilleach ann sa naimsirsi do
réir thoghtha na ngrás.
6 Agus más tré ghrás, ní ó oibrigh-
thibh [atá sé] feasda, nó ní grás an
grás uáidh sin amach. Achd más ó oib-
righthibh, ní grás é as sin súas : nó ní
hobair a nobair feasda.
7 Créd eile máseadh ? an ní íarrus
Israhél, ní fhuáir sé é : achd fúaradar
na dáoine toghtha [é,] agus do dalladh
an chuid eile.
8 Mar atá sgríobhtha ; Tug Día spio-
rad chollatach dhóibh : súile chum
nach ccluinfedís gus a niugh.
9 Agus a deir Dáibhi, Biodh a
mbórd mar dhul, & mar ghléus ga-
bhála, agus mar adhbhair oilbhéime,
agus mar mhalairt dóibh.
10 Bíodh a súile dall chum nach
bhfaicfidh síad, agus cromsa a ndrom-
anna a gcomhnuidhe.
11 Uime sin fíafraighim, An bhfúa-
radar tuisleagh chum go dtuitfedís ? nar
léigidh Día sin : Achd sé a dtuitimsion
slánughadh na cciniadhach, chum tnú-
tha do chur orrthasan.
12 Agus más é a dtuitimsion saidh-
bhreas an domhain, agus a laghdughadh
saidhbhreas na gcineadhach : a né nach
mó ná sin a líonmhuireachd ?
13 Oir is ribhsi na cineadhuigh labh-
ruim, do bhrigh gur me easbal na gci-
neadhach, onoruighim moifig féin.
14 Dá fhéuchuin an bhféudfuinn ar chor
ar bith tnúth do chur ar mo chomh-
fhéol féin, agus cuid éigin díobh do
shlánughadh.
15 Oir más é a ndiúltadhsan is réiteach
don domhan, créd é a nathghabháil,
achd beatha ó mharbhuibh ?
16 Oir má [atáid] na céadthórrtha
náomhtha [atá] an chuid eile [náomhtha]
mar an gcéudna : agus má [atá] an
fhrémh náomhtha, [atáid] na géuga leis.
17 Achd má atá cuid éigin do na géu-
gaibh ar na ngearradh dhe, & gur cui-
readh thusa na nionad, agus gur roin-
neadh frémh agus súgh chroinn na hola
fíre ríot, ar mbeith duit ad chrann ola
fhiadháin :
18 Ná bíodh uáill ort a naghuidh na
ngéug : achd ma bhíonn uáill ort, ní tusa
iomchras an fhrémh, ach an fhrémh thusa.
19 Uime sin a déara tú, Do gearradh
na géuga dhe chum go bplainntéoch-
thaoi misi [ná náit.]
20 Is maith sin : is tré mhíchreideamh
do gearradh íad, agus seasuigh tusa tré
chreideamh : ná bi áirdinntinneach, achd
bíodh eagla ort.
21 Oir ma nar choigill Día na géu-
ga nadúrtha, dob éidir nach ccoigéo-
ladh sé thusa mar an gcéadna.

22 Ar a nadhbharsin tabhair dod
aire toirbheartas agus buirbe Dé : a
bhuirbe do tháobh na muinntire do
thuit, achd a thoirbheartas duitsi, dá bhfa-
na tú ann a thoirbheartus : nó gearr-
fuidhear thusa mar an gcéudna.
23 Agus plainntéochthar íad súd a
rís, achd muna bhfanuid síad a mí-
chreideamh : óir is éidir lé Día a gcur a
steach a rís.
24 Oir má gearradh thusa don chrann
ola do bhí fiodháin ó nadúir, agus gur
cuireadh thusa a naghuidh nadúra a
gcrann na fíorola : a né nach mó na sin
chuirfidhear na géugasa atá nadúrtha
ann a gcrann ola féin.
25 Oir ní háill leam, a bhráithrea-
cha, ainbhfios na seicréidesi do bheith
oruibh, do chum nach bíadh sibh glic
ann bhur mbaramhluibh féin :) go dtárr-
la daille air chuid Díosráel, nó go dtí
iomláine na gcineadhach a steach.
26 Agus mar sin sláinéochthar Isráel
uile : mar atá sgríobhtha, Tiocfa an fear
sáortha as Sìon, agus fillfidh sé neimh-
dhiadhachd ò Jácob.
27 Agus a sé so mo chunnradh ríu, an
tan thoigéubhas mé a bpeacuigh úatha.
28 Uime sin do tháobh an tsoisgéil,
[atáid síad] na náimhdibh ar bhur son-
sa : achd do tháobh na toghtha, [atáid
síad] grádhaighe ar son na naithreach.
29 Oir atáid tiodhlaice agus gairm
Dé gan aithreachus.
30 Oir do réir mar nach ttugabhair-
se a nallód umhlachd do Dhía, agus
fúarabhair trócaire a nois, tré na neas-
umhlachdsan :
31 As mar an gcéudna a nois níor
chreideadarsan da bhur dtrócairesi, ion-
nus go bhfuighedís féin trócaire mar
an gcéudna.
32 Oir do dhúin Día íad uile a neimh-
chreideamh, do chum trócaire do dhéu-
namh orrtha uile.
33 O créd é doimhne shaidhbhris eag-
na agus éolais Dé. Créd é deacrachd
a bhreitheamhnuis do chúartughadh, &
lorg a shligheadh do leanmhuin.
34 Oir cía agá raibh fios inntinne
an Tighearna ? nó cía bá comhair-
leach dhó ?
35 Nó cía thug dhó ní ar tùs, agus
do ghéubhaidh sé a chúitiughadh leis ?
36 Oir is úadhasan, agus thrídsion,
agus ar a shonsan [atáid] na huile
neithe. Glóir dhó féin go síorruidhe.
Amén.

CAIB. XII.

Ata adbra umbal Dé, maille re gradh charad & nambad, fúagartha orrainn trid shompla thrócaire Chriosd.

AR a nadhbharsin fírim dathchuinge
oraibh a dhearbhraithreacha, tré
thrócaire Dé, bhur gcuirp do thabhairt
na bhéo-iodhbairt, náomhtha, gheana-
mhail do Dhía, bhur seirbhís réusún-
ta :

2 Agus na cumaidh sibh féin ris a
tsáoghalsa, achd cuiridh sibh féin a
natharrach crotha ré hathnúadhughadh
bhur ninntinne, ionnus go mbíadh a
dhearbh águibh, créud í toil mhaith,
gheanamhuil, dhiongmhála Dé.
3 Oir a deirim ré gach áon eadruibh-
se, trés an ngrás do tugadh dhamh, gan
ghabháil ré a ais ní do thuigsin ós cionn
a neithe is iomchubhaidh dhó do thuig-
sin: achd a thuigsi do bheith réir mhea-
sarrdhachda, amhail as do roinn Día ré
gach áoinneach miosúr creidimh.
4 Oir do réir mar atá iomad ball
aguinn a néunchorp amháin, agus nach
éunoifig amháin atá ag na huile bhal-
laibh sin:
5 As mar an gcéudna atámaóidne mo-
rán ar néanchorp a Gcríosd, & gach áon
fo leith ar mballaibh agá chéile.
6 Uime sin ar mbeith do thiodhlai-
cibh éugsámhla aguinn, do réir na ngrás
tugadh dhúinn, más faidhedóireachd [atá
aguinn, déanam faidhedóireachd] do
réir mhéud an chreidimh:
7 Nó más oifig [atá aguinn, tugam
aire] don oifig: nó an té theaguisgeas,
[tugadh aire] dha theagusg:
8 Nó an té do bheir foirceadal,
úadha, [tugadh aire] dhá fhoirceadal, an
tí roinneas [an déirc,]roinneadh í maille
ré neamhurchóid: an tí agá bhfuil cean-
nus ós cionn cháich, [déunadh é] maille
ré dúthrachd; an tí do ní trócaire,
[déunadh í] maille ré subhachus.
9 [Bíodh bhur] ngrádh gan cheilg.
Bíodh gráin agaibh ar a nolc, [agus]
ceangluigh don mhaith.
10 Bíodh toil aguibh dhá chéile
maille ré grádh bráithreamhuil; Ag
tabhairt onóra uáibh, gach áon ag dul
roimhe a chéile.
11 Na [bíghidh] leisgeamhuil a ngno-
thuighibh. [Bíghidh] ar fiuchadh ann
bhur spioraid: ag déanamh seirbhísi don
Tighearna:
12 Ag déunamh gáirdeachais tré
dhóthchas: foighideach a mbuáidhear-
thuibh: comhnuígheach a núrnaighe:
13 Ag comhroinn ris na náomhaibh
iona riachdanusaibh: ag gnáthughadh
luchd áoidheachda do ghlacadh.
14 Tabhruidh bhur mbeannachd don
dreim dhíbreas sibh; tabhruidh bhur
mbeannachd dóibh, & na malluidhe iad.
15 Bíodh gairdeachus oráibh ma ráon
ris an muinntir ar a bhfuil gairdeachus,&
bíghidh ag caói maráon ris an muinn-
tir do ní caói.
16 Go madh háontoil dhíbh ré chéile.
Na [bíghidh] áirdinntinneach, achd cu-
maidh sibh féin ris a ndreim is ísle: Na
bíghidh glic ann bhur mbaramhluibh féin.
17 Na déanaidh olc a naghaidh uilc
ar éainneach. Bíodh cúram na neitheann
maith oraibh a bhfíadhnuise na nuile
dhaoine.
18 Mas féidir é, an mhéid thig dhíbh-
se dhe, bíodh síothcháin agaibh ris na
huile dhaóinibh.
19 A [chairde] grádhacha, ná dén-
naidh dioghaltus ar bhur son féin; achd
fanaidh ris an bhfeirg, óir atá sgríobh-
tha, Is leamsa an dioghaltus, do bhéura
mé cúitiughadh uaim, a deir an Ti-
ghearna.
20 Uime sin dá raibh ocarus ar do
námhuid, tabhair biadh dhó; dá raibh
tart air, tabhair deoch dhó: óir tré so
do dhéunamh dhuit, cárnfuidh tú grío-
sach ar a cheann.
21 Na beireadh an tolc buáidh ort:
achd beirse buáidh ar a nolc ré maith.

C A I B. XIII.

Umhlachd, íonthabhharta duachdaránaibh cneasta, 4 ag caitheamh ar ceirte, 8 Grádh do gach aonduine.

Bíodh gach uile anum umhal do na
cumhachdaibh atá ós a chionn.
Oir ní bhfuil cumhachda ar bith achd
ó Dhía: agus na cumhachda atá ann, is
ó Dhía do hórduigheadh íad.
2 Ar a nadhbharsin gidh bé ar bith
chuireas a naghaidh an chumhachda, cui-
ridh sé a nadhaigh órdaighe Dé: agus
an dream chuireas iona adhaigh, gé-
bhaid damnughadh chuca féin.
3Oir ní bhí eagla roimh úachdaránaibh
ar son dheighghniomharthadh, achd ar
son dhroichghniomharthadh. Uime sin
an mían riot bheith gan eagla an chu-
mhachda ort? déuna maith, agus do
ghéubha tú moladh uádh.
4 Oir a sé searbhfhoghantuidhe Dé
chum do mhaitheasa.Achd da ndéarnaidh
tú olc, bíodh eagla ort: óir ní go díomhaoin
áoineach iomchras sé an cloidheamh: óir is
sé searbhfhoghantuidhe Dé é, na dhio-
ghaltóir feirge ar an tí do ní olc.
5 Uime sin as éigean bheith umhal,
ní deagla feirge amháin, achd fós ar son
coinnsiais.
6 Oir is uime so íocas sibh cánachus
do bhrígh gur searbfhoghantuigheadha
do Dhía íad, ag déunamh a ndíthchill is
ní chéudna.
7 Ar a nadhbharsin tabhruidh a ndli-
ghus do na huile dhaóinibh: cánachus
don tí [dar dúal] cánachus: cusdum
don tí [dar dúal] cusdum: eagla ris
an tí [ré ar cóir] eagla: onóir don
tí [dár cóir] onóir.
8Ná bíodh fiacha ag áoinneach oraibh
achd amháin sibh féin do ghrádhughadh
a cheile. (Oir an tí ghrádhaigheas a cho-
mharsa, do choimhlíon se an dligheadh.
9 Oir [na haitheantasa,] Na déuna
adhaltranus, na déuna dúnmharbhadh, na
déuna goid, na déun fiadhnuisi bhréige,
na déuna saint, & gach aithne eile [dá
bhfuil ann,] atáid go haithghearr a
bhrígh an ráidh so,eadhon,Grádhaigh do
chomharsa mar thú féin.
10 Ní dhéanann grádh olc don cho-
mharsain: ar a nadhbharsin [a sé] an
grádh coimhlíonadh an dlighe.
11 Agus

11 Agus sin ré meas na haimsire, gur
mithidh dhúinn a nois músgladh ó chod-
ladh: óir is goire dhúinn a nois ar slá-
nughadh, na a nuáir do chreideamar.
12 Do chuáidh a noidhche thorainn,&
do dhruid an lá rinn. Uime sin teilgeam
uainn oibreacha an dorchaduis, agus
cuiream umainn éideadh an tsolais.
13 Siubhlam go cubhaidh amhail sa
ló: ní a gcráos, ná a misge, ná a
seómradóireachd, ná a macnus, ná a
gceannarraic, ná a dtnúth.
14 Achd cuiridh umuibh an Tighearna
Iósa Críosd, agus ná bíodh cúram na
colla oraibh a miangusuibh.

C A I B. XIV.

Gan oilbheim thabhairt don aitbearrach, rè neithibh eidir-mheadhonach.

GAbhaidh chugaibh an tí atá éag-
cruáidh sa gcreideamh, [achd] ní
chum imreasan diosbóireachda.
2 Creididh neach gur féidir gach uile
bhiadh dithe: agus ithidh neach eile
bhios éugcruáidh, luibheanna.
3 Ná tugadh an té itheas, tarcuisne
ar an tí nach itheann; & ná beireadh
an tí nach itheann, breath ar an tí
itheas. Oír do ghabh Día leis.
4 Cia thusa bheireas breith ar shear-
bhfhoghantuidhe dhuine eile? as dá Thi-
ghearna féin sheasus nó thuiteas sé, Agus
cuingéubhthar súas é: Oir is éidir lé
Día a chongmháil na sheasamh.
5 Bí cion ag neach ar lá tar lá eile:
agus bí cion ag neach eile ar gach lá
[mar a chéile.] Biodh gach éunduine
lándearbhtha ann a inntinn féin.
6 An tí chongmhas an lá, as don
Tighearna chongmhas sé é: agus an tí
nach ccongmhann an lá, as don Tigh-
earna nach ccongmhann sé é. An té
itheas, as don Tighearna itheas sé; óir
beiridh sé buidheachus ré Día: & an té
nach itheann, as don Tighearna nach
ithean sé, & beiridh a bhuidhe ré Día.
7 Oír ní dhó féin mhaireas éunduine
aguinn, agus ní dó féin do gheibh éun-
duine aguinn bás.
8 Oir más beó dhùinn, as don Tigh-
earna atámaid beó: agus más marbh
dhúinn, as don Tighearna atámáoid
marbh. Uime sin más beó nó marbh
dhúinn, as leis an Tighearna sinn.
9 Oir is chuige so fuáir Críosd bás, &
do eiséirghe sé,& do aithbheódhaidh sé
chum bheith na Thighearna dhó ar
bheodhaibh, agus ar mharbhaibh.
10 Achd créd sá mbeireann tusa breath
ar do dhearbhráthair? nó fós créud fa
ttarcuisnigheann tú do dhearbhráthair?
óir seasfam uile a bhfiadhnuise chaithí-
reach bhreitheamhnuis Chríosd.
11 Oír atá sgríobhtha, Mairimse, a
deir an Tighearna, & sléachdfuidh gach
uile ghlùn damh, & do dhéana gach uile
theangaidh admháil do Dhía.
12 Ar a nadhbharsin do bhéura gach
áon dinn cunntus ar a shon féin do
Dhía.
13 Uime sin ná bímid ní sa mhó ag
breith bhreithe ar a chéile: achd go
madh mó dhéanus sibh breitheamhnus
air so, eadhon gan adhbhar oilbhéime ná
tuitme do thabhairt da bhur ndear-
bhrathair.
14 Atá a fhios agum, agus is dearbh
leam tré san Dtighearna Iósa,nach bhfuil
éainní neamhghlan úadha féin: achd on
tí mheasas éinni do bheith neamhghlan,
atá sé dhó sin neamhghlan.
15 Gidheadh dá raibh doilgheas ar do
dhearbhrathair ar son an bhídh, ní
shiubhlann tú a nois do réir ghrádha.
Ná coir amugha réd bhiádh an té agá
bhfuáir Críosd bás ar a shon.
16 Ar a nadhbharsin na tugaidh fá
deara bhur maith do mhaslughadh.
17 Oir ní bíadh na deoch ríoghachd
Dé, achd fíréantachd, & síothcháin,agus
gáirdeachus san Spiorad náomh.
18 Oír gidh bé ar bith do ní seirbhís do
Chríosd ann sna neithibhsi, atà gean ag
Día air, & is dearbhtha ré dáoinibh é.
19Uime sin leanum na neithe bheanus
ré síothcháin, agus na neithe bheanus
ré follamnughadh a chéile.
20 Ná cuir amugha obair Dé ar son
bídh. Go deimhin atá a nuile bhíadh
glan: achd téid a ndochar don tí itheas
maille ré hoilbhéim.
21 As indéunta gan feóil dithe, ná
fíon dibhe, na éainní tré bhfuighe do
dhearbhráthair tuisleadh nó oilbhéim, nó
tré a ndéantáoi éugcruáidh é.
22 Atá creideamh agadsa: bíodh sé
agad leachd féin a bhfiadhnuise Dé. As
beannaighe an tí nach damnuigheann é
féin, fá an ní ré dtig sé.
23 Achd an tí ar a mbí amhrus, dá
nithidh sé,atá sé damanta do bhrígh nach
ó chreideamh [itheas sé:] óir gach ní
nach bhfuil ó chreideamh, is peacadh é.

C A I B. XV.

Ni fulàir don laìdir a nCreidimh,an anbfann do Neartughadh, mar dhearnadh le Críosd.

ATá dfiachaibh orainne an dream atá
láidir, éugcrúas na ndáoineadh
meirbh diomchar, agas gan ar dtoil
féin do leanmhuin.
2 Uime sin déunadh gach áon aguinn
toil a chomharsan ré maith chum fol-
lamnuighe.
3 Oí ní hí a thoil féin do rinne
Críosd, achd do réir mar atá sgríobhthar
Do luidh imdheargadh na druinge do
imdhearg thusa, oramsa.
4 Oir gidh bé neithe do sgríobhadh
roimhe so, is chum sinne theagusg do
sgríobhadh íad: ionnus go mbeith
dóthchas aguinn tré fhoighid agus tré
chumhfhurtachd na sgriobtúir.
5 Agus go dtugaidh Día na foighide
agus na cumhfhurtachda dhaóibh,bheith
dháoininntin a dtáobh a chéile, do réir
Iósa Críosd.
6 Ionnus go madh héidir libh go háon-
tadhach ré hén bhél amháin, Día athair

ar

ar Dtighearna Iósa Críosd do mholadh.
7 Uime sin gabhaidh chugaibh a
chéile, do réir mar do ghabh Críosd
sinne chuige chum glóire Dé.
8 Agus a deirim go raibh Iósa Críosd
na mhinistir an timchillghearrtha, ar son
shírinne Dé, chum geallamhnach na
naithreach do dhaingniughadh.
9 Agus ionnus go molfadh na ci-
neadhacha Día, ar son a thrócaire:
do réir mar atá sgríobhtha ; Ar a
nadhbharsa aidmheocha mé thú a
measg na gcineadhach, agus do dhéuna
mé ceól dod ainm.
10 Agus a deir sé a rís ; Déunaidh
gáirdeachus, a chineadhacha, maille ré
na phobal.
11 Agus a rís, Molaidh an Tighearna
a uile chineadhacha, agus a phuibleacha
uile, molaidh é.
12 Agus a rís a deir Esáias ; Biáidh
frémh Jesse ann, agus an tí éireochas
chum na ccineadhach do sdiúradh, cuir-
fid na cineadhacha a ndóthchas ann.
13 Agus go líonaidh Día an dóthchais,
sibhse, do gach uile gháirdeachus agus
shiothcháin ó chreideamh dhaoibh,
ionnus go madh móide bhur ndóthchas,
tré chumhachdaibh an Spiorad náoimh.
14 Agus a dhearbhráithreacha, as
dearbh leamsa féin bhur dtáobhsa, go
bhfuiltí lán do mhaith, ar mbeith
dhaoibh líonta do gach uile eólas, & go
dtig dhaoibh fós a chéile do theagusg.
15 Gidheadh fós, a bhráithreacha, do
sgríobh mé chugaibh a gcáil maille ré
gné dhánachda, mar do bhéinn dá bhur
gcur a gcuimhne, trés an ngrás tugadh
dhamh ó Dhía.
16 Ionnus go mbéinn am óglach ag
Iósa Críosd a measg na gcineadhach, ag
miniosdralachd soisgéil Dé, do chum go
mbeith gean ar ofrail na gcineadhach,
ar mbeith dhi náomhtha, trés an Spio-
rad náomh.
17 Uime sin atá [adhbhar] gáir-
deachais agam a Níosa Críosd a ttáobh
Dé.
18 Oir ní bhía mé dána ar éainní do
labhairt nar oibridh Críosd thríom,
chum umhlachda na gcineadhach a
mbréithir agus a ngníomh.
19 Maille ré cumhachd chomharthadh,
& mhíorbhaileadh, tré neart Spioraide
Dé: ionnus gur choimhlíon mé soisgéil
Chríosd, ó Jerusalem agus na timcheall,
go soithe Illiricum.
20 Agus mar sin do choimhéignidh mé
mé féin chum an tsoisgéil do sheanmóru-
ghadh, ní sa nionadh ionar hainmni-
gheadh Críosd, deagla mobair do thog-
bháil damh ar fhunndameint dhuine eile.
21 Achd do réir mar atá sgríobhtha,
Do chífid an dream nach bhfuáir a
thuarasgbháil è: agus an drong nach
ccúalaidh, tuigfid siad.
22 Ar a nadhbharsin fós do cuireadh
toirmeasg oram go minic sa theachd
dar coinnesi.
23 Achd a nois ó nach bhfuil ionadh
ní sa mhó agam sna críochuibhse, agus
ro fhonn oram ré morán bliadhan,
teachd dar nionnsuighse.
24 An tan thríallfus mé don Sbáinn,
tiocfadh mé dá bhur cionn : ôir atá sáil a-
gum rê sibhse dfaicsin ag gabhail
seacha dhíbh, agus sibhse do theachd
ríom dom sheóladh don nionadh sin;
achd go raibh mé saitheach a gcáil do
bhur gcuideachdasa.
25 Achd a nois atáim ag dul go
Híarusalém, do dhéanamh miniosdra-
lachda do na náomhaibh.
26 Oir do bhádar [luchd] Mhacedó-
nia agus Achaia fonnmhar, ar chomh-
ruinn do dhéanamh ris na naomhaibh
atá a Niarusalém.
27 Oir bá rothoil ríu é, agus atáid
siádsan na bhféitheamhnuibh aca: Oir
má roinneadh ris na cineadhachaibh a
neithe sbioradáltasan, atá dfiachaibh
orthasan mar an gcêudna miniosdra-
lachd do dhéanamh dhóibhsion, sna
neithíbh bheanus ris an gcolainn.
28 Uime sin ar na chríochnughadh so
dhamh, agus ar gcur shéula dhamh ar
an toradhsa dhôibh, géubhaidh mé tre
bhur dtáobhsa don Sbainn.
29 Agus as deimhin leam ar dteachd
dhamh chugaibhse, go dtiocfaidh mé
maille re beannachadh líonmhar shoi-
géil Chriosd.
30 Agus iarruim dathchuinge oraibh
a dhearbhraithreacha, tré ar Dtighearna
Iósa, Críosd, agus ar son ghrádha an
Spioraide, bhur ndithcheall do dhéa-
namh ma ráon ríom, a nurnaighthibh
chum Dé ar mo shon.
31 Chum mo sháortha ón druing atá
easumhal a dtír Iúdaighe, agus chum go
mbiadh mo sheirbhis taitneamhach ag
na náoimh a Níarusalém.
32 Ionnus go madh héidir leam
teachd chugaibhse maille ré gáirdeachas
do thoil Dé, agus furtachd dfaghail
dhamh ma ráon ribh.
33 Agus Día na síothchána maille
ribh uile. Amen.

CAIB. XVI.

Tar éis fáiltiughadh do mhóran, 17 chuir Pól na mfaireach iad a ttaobh dhaoine connsboideach, contrarrdha.

ACHd táobham ribh Phébe ar ndeirbh-
shíur, noch as searbhshoghantuidhe
don neagluis atá a Gcenchrea :
2 Do chum go ngabha sibh ria sa
Dtighearna, mar as cubhaidh do náomh-
aibh & cungnamh ria an gach adhbhar
iona mbia bhur riachdanus uirthe.
Oir tug sí áoidheachd do mhorán, agus
dámhsa féin mar an gcéudna.
3 Fáiltighidh do Phriscilla agus do
Acuila, mo luchd cunganta a Níosa
Críosd ;
4 (Noch do chuir a muinêul féin sios
ar son manmasa: dá nach misi amháin
do bheir buidheachas, achd fós eag-
luiseacha

hiſeacha na gcineadhach go hiomlán.)
5 Agus do neagluis atá iona dtigh.
Fáiltighidh do Epenetus, as ionmhuin
liomſa, agar ab é céudthoradh na
Hachaia a Gcríosd.
6 Fáiltighidh do Mhuire noch do rinne
ſaothar mhór ar dtimcheillne.
7 Fáiltighidh do Andronicus agus
Junia, mo dhaoine gáoil, agus mo chum-
pána prioſúin, noch atá oirdheirc eidir
na habſtalaibh, noch fós do bhí a
Gcríosd romhamſa.
8 Fáiltighidh do Amplias mo dhiogh-
raiſeach ſa Dtighearna.
9 Fáiltighidh do Urbánus ar bhfear
cúmhartha a Gcríosd, agus do Stachis
mo [dhearbhrathair] ionmhuin.
10 Fáiltighidh do Apelles, [noch
atá] dearbhtha a Ccríosd. Fáiltighidh
do luchd éntighe Ariſtoboluis.
11 Fáiltighidh do Heródion, mo
bhrathair. Fáiltighidh do luchd éntighe
Narciſſuis, noch atá ſa Dtighearna.
12 Fáiltighidh do Thriphéna agus do
Thriphóſa, mná ſhaothruigheas ſa Dti-
ghearna, Fáiltighidh do Pherſis ionmhuin,
noch do rinne móran ſáothair ſa Dtigh-
earna.
13 Fáiltighidh do Ruphus, [duine]
toghtha ſa Dtighearna, agus da mhá-
thair agus do mo mháthairſe.
14 Fáiltighidh do Aſincritus,
Phlegon, Hermas, Phatrobas, Her-
mes, agus do na dearbhraithribh atá na
bhfarradh.
15 Fáiltighidh do Philológus, agus
do Julias, do Nereas, agus dá dheirbh-
ſhiúir, agus do Olimpas, agus do na
náomhuibh uile na bhfarradh.
16 Beannaighe féin dá chéile, maille
ré póig naomhtha. Cuirid eagluiſeacha
Chríosd beatha agus ſláinte chugaibh.
17 Agus íarruim dathchuinge oruibh,
a dhearbhráithreach, géurchoimhéud
do dhéunamh dháoibh ar an muinntir
thógbhus ſioſma, agus is ciontach ré
toilbhéim do thabhairt úatha, con-
trarrdha don theagalg do fhoghluim
ſibh: agus ſeachnaidh iad.

18 Oír an luchd is coſmhuil ríu ſo,
ní don Tighearna Ióſa Críosd do níd
ſiad ſeirbhís, achd dá mbolg féin: agus
meallaid ſiad ré briathraibh millſi agus
ré clúain, croidhthe na ndáoine neamh-
urchóideach.
19 Oír ráinic [tuaraſgbháil] bhur
numhlachdſa, na huile dháoine. Ar a
nadhbharſin atá gáirdeachas orum bhur
dtáobhſa: gidheadh is mían ríom bheith
dháoibh eagnuighe a dtáoibh na maith-
eaſa, agus neamhurchoidbeach a dtaobh
a nuilc.
20 Agus bruithfidh Día na ſíoth-
chána Sátan fíoi bhur gcoſaibh go hath-
ghoird. Gráſa ar Dtighearna Ióſa
Críosd maille ribh. Amén.
21 Cuiridh Timotéus mo chompá-
nach, agus Lúcius, agus Jáſon, agus So-
ſipater, mo dháoine gáoil, beatha agus
ſláinte chugaibh.
22 Cuirimſi Tertius noch do ſgríobh
an eipiſtilſe, beatha agus ſláinte chu-
gaibh ſa Dtighearna.
23 Cuiridh Gaius móſdóir féin agus na
heagluiſi uile, beatha agus ſláinte chu-
gaibh. Cuiridh Eraſtus prócadóir na
caithreach, beatha agus ſláinte chugaibh,
agus an dearbhrathair Quartus.
24 Gráſa ar Dtighearna Jóſa Críosd
maille ribh uile. Amén.
25 Agus a nois don té lér féidir
ſibh do dhaingniughadh do réir mo
ſhoiſgeilſi, agus ſheanmóra Ióſa Críosd,
do réir fhoillſighe na ſeicréide noch
do congmhadh go ſolaigheach ó thús an
domhain:
26 Achd a nois atá ar na nochdadh,
agus ar na fhoillſiughadh do na huile
chineadhachaibh, tré ſgrioptúraibh na
bhfáidheagh do réir aithne Dé bhioth-
bhúain, chum umhlachda an chreideimh.
27 Don náoindía eagnaidhe amháin
glóir go ſíorruidhe tré Jóſa Críosd.
Amén.
O Chorintus do ſgríobhadh an eipiſ-
dilſe chum na Romhanach, agus lé
Phebe ſearbhfhoghantuighe eagluiſi
Chénchrea do cuireadh í.

CEUD EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA CCORINTHIANACH.

CAIB. I.

Lucht coimhinne do chosc, 18 goiridh ſé 8 ſbaoibh-chreidm an tſaoghailſe iad, go gliocas na croiche cheuſaidh.

POl, Abſdal Jóſa Críoſd do
réir gharma, tre thoil Dé,
agus Soſtenes [ar] ndearbh-
bhrathair.
2 Chum eagluiſe Dé atá a Gcorintus,
chum na druinge atá ar na náomhadh
a Níoſa Críosd, náoimh do réir ghar-
ma, maille ris na huile [dháoinibh]
ghoireas ann gach éainait air ainm ar
Dtighearna Ioſa Críosd, noch as Tigh-
earna dhoibhſean agus dúinne;
3 Gráſa maille ribh, agus ſíothcháin
ó Dhía ar nathair, agus ón Dtighearna,
Jóſa Críosd.
4 Beirim a bhuidhe do ghnáth ré mo
Dhía ar bhur ſonſa, do tháobh ghrás Dé
do tugadh dhibh a Níoſa Críosd.
5 Ar a nadhbhar go bhfuil ſibh ar
bhur ndéanamh ſaidhbhir ſna huile nei-
thibh thridſion, ann gach uile urlabhra, &
an gach uile eolas.
6 Do

6 Do réir mar do dhaingnidheadh
fíadhnuisi Iósa Críosd ionnaibh.
7 Ionnas nach bhfuil riachdanas én
tíodhluice oraibh, ag fuireach dhíbh ré
teachd ar Dtighearna Jósa Críosd.
8 Noch fós dhaingneóchas sibh go
foircheann [bhur mbeatha, ionnus go
mbía sibh] neimhchiontach a ló ar
Dtighearna Jósa Críosd.
9 Atá Día díleas tres ar goireadh sibh
chum cumuinn a mhic Jósa Críosd ar
Dtighearna.
10 Agus íarruim dathchuinge oraibh
a dhearbhraithreacha, tré ainm ar Dti-
ghearna Iósa Críosd, sibh uile do la-
bhairt éainneithe amháin, & gan siosma
do bheith bhur measg ; achd a bheith
ceangailte dhá chéile go diongmhalta a
náoinintinn, agus a náoin chéill.
11 Oir a dhearbhraithreacha do foill-
sigheadh dhamh oraibhsi ré luchd tighe
Chlóé, go bhfuilid imreasana eadraibh.
12 Ag so a ní a deirim go nabair
gach áon agaibhsi ; Gabhaimse ré Pól,
gabhaimsi ré Hapollos, gabhaimsi ré
Céphas, gabhaimsi ré Críosd.
13 An bhfuil Críosd ar na roinn ? an
é Pól do céusadh ar bhur son ? nó na
nainm Phóil do baisdeadh sibh ?
14 Beirim a bhuidhe ré Día nár
bhaisd mé áoinneach agaibh,, achd
Crispus agus Gaius.
15 Deagla go naibeóradh éainneach, gur
a mainm féin do bhaisd mé.
16 Gidheadh fós do bhaisd mé muinn-
tir Steapháin : ós a chionn sin ní feasach
dhamh gur bhaisd mé áoinneach eile.
17 Oir ní chum baisdigh do dhéunamh
do chuir Críosd mé, achd chum an
tsoisgéil do sheanmórughadh ; ní re
gliocas bríathar, deagla croichthe
Chríosd do chur a neimbrígh.
18 Oir as amadanachd don dreim
théid a mugha, bríathar na croichthe ;
achd dhúinne atá air ar slánughadh, as
é cumhachda Dé é.
19 Oir atá sgríobhtha, Sgriosfaidh mé
eagna na ndáoineadh eagnaighe, agus
cuirfidh mé ar gcúl tuigse na ndáoineadh
dtuigsionach.
20 Cá bhfuil an teagnuidhe ? Cá
bhfuil an scríobuighe ? Cá bhfuil fear
tagartha an tsáoghailsi ? a né nach
dearna Día aimhghliocas do ghlíocas an
dómhainsi ?
21 Oir a neagna Dé, ó nár aithin an
sáoghal Día tré eagna, bá toil lé Día tré
éigcríonnachd na seanmóra, an dream
chreideas do shlánughadh.
22 Agus bíodh go níarraid na Iú-
duighe comhartha, agus go sírid na Gréu-
gaidh eagna.
23 Gidheadh fós do nimidne Críosd
ar na chéusadh do sheanmórughadh, na
oilbhéim do na Iúduighibh, agus na
éigcríonnachd do na Gréugaibh.
24 Achd don druing atá ar na ngairm
eidir Iudaighe & Ghréugach, Críosd,
cumhachd Dé, agus eagna Dé.
25 Oír is glioca aimhghliocas Dé
náid dáoine ; agus as neartmhaire mei-
bheas Dé náid dáoine.
26 Oír, a dhearbhraithreacha, do ch[...]
sibh bhur ngairm, nach iomdhá [dhibh]
eagnuighe do réir na feóla, ní hiomdha
cumhachdach, ní hiomdha úasal.
27 Achd do thogh Día neithe éigcríon-
na an tsáoghail, chum adhnáire do
chur ar na dáoinibh eagnuidhe : agus
thogh Día neithe neimhneartmhara an
tsáoghail, chum adhnáire do chur air na
neithibh neartmhara :
28 Agus do thogh Día neithe an-
uaisle an tsáoghail, agus na neithe tar-
cuisneacha, agus na neithe nach bhfuil
ann, chum na neitheann atá ann do
chur a neimhbrígh :
29 Ionnus nach déanadh feóil air bith
uáill iona fhíadhnaise.
30 Achd as úadhasan atá sibhse
Níosa Críosd, noch atá ar na dhéunamh
ó Dhia dhúinne, na eagna, agus na fhí-
réuntachd, agus na náomhthachd, agus
na fhuasgladh :
31 Ionnus do reir mar atá sgríobhtha,
An tí do ní máoithseachus, déunadh sé
máoithseachas sa Dtighearna.

CAIB. II.

Gur fearr thuigthear Críosd ar na chéusadh, le obair Spioraid Dé ar an chroidhe, & le mírbhuilibh ; no le sárlabhra millse.

UIme sin ar dteachd damhsa dha-
gaibh, a dhearbhráithreacha, ní re
hóradh-bríathar, na re gliocas tháinic me
dfoillsiughadh fíadhnuise Dé dhíbh.
2 Oír níor léig mé oram féin bhur
measgsa eólas do bheith agum air ní ar
bith, achd amháin air Iósa Críosd, agus
é fós ar na chéusadh.
3 Agus do bhí mé bhur measgsa a
néugcrúas, agus a neagla, agus a
gcriothnughadh mhór.
4 Agus nı́ raibh mo chomhrádh ní mo
sheanmóir a millseachd bhríathar an ghlio-
cais dáonna, achd a bhfoillsiughadh
dhearbhthachd chumachda na Spioraid.
5 Ionnus nach bíadh bhur gcreideamh-si
a ngliocas na ndáoine, ach a gcumhachd
Dé.
6 Gidheadh fós lábhramáoid go hea-
nuidhe a measg na ndáoineadh iomlán ;
bíodh nach do réir eagna an tsáoghailse,
nó phrionnsadh an tsáoghailse atá ag
dul amugha.
7 Achd labhramáoid eagna Dé a rún-
creid, a neagna fholaigheach, noch do
orduigh Día roimh an tsáoghal chum
ar nglóirinne.
8 A neagna nar bhaithne dáoineadh
do phrionnsaidhibh an tsáoghailse : óir
dá madh aithne dhóibh í, ní chéusfaidís
Tighearna na glóire go bráth.
9 Ach do réir mar atá sgríobhtha, Ní
fhacaidh súil, agus ní chuálaidh cluas,
agus nír smuáin croidhe duine, na nei-
the do ullmhuigh Día don druing ghrá-
dhaigheas é.

10 Gidheadh

10 Gidheadh achd do fhoillſigh Día
dhúinne [íad] tré na Spioraid: Oír
ſgrúdaigh an Spiorad na huile neithe,
agus fós neithe doimhne Dé.
11 Oír cía hé an neach aga bhfuil fios
na neitheann is lé duine, achd amháin
ag an ſpioraid atá ſa duine? as mar an
gcéudna ní bhfuil fios na neitheann is ré
Día ag áoinneach, achd amháin ag Spi-
oraid Dé.
12 Gidheadh ní hé ſpiorad an tſáo-
ghail do ghabhamairne chugainn, achd
an Spiorad atá ó Dhía: ionnus go
mbíadh fios na neitheann aguinn noch
do tíodhlaiceadh dhúinn ó Dhía.
13 Noch fhoillſighemíd mar an gcéad-
na ní a mbríathraibh theaguiſgeas
an gliocas dáonna, achd a mbríathraibh
theaguiſgeas an Spiorad náomh, ag coimh-
cheangal na neitheann ſpioradálta ré
chéile.
14 Achd ni féas don duine nádúrtha
na neithe thig ó Spiorad Dé; Oír as
aimhghliocas ris íad: agus fós ní féi-
dir leis a bhfios do bheirh aige, do
bhrígh gur go sbioradálta aitheantar
íad.
15 Gidheadh is léir don duine ſbio-
radalta na huile neithe, agus fós ní
bhfuil féin ſa bhreith áonduine.
16 Oír cía daithin inntinn an Tigh-
earna, noch do bheuradh teaguſg dhó?
achd atá inntinn Chríosd aguinne.

CAIB. III.

Is comhluchd oibre do Dhia, na Miniſdridh;
11 ach Criosd fein bunait an Chreidimh.

AGus, a dhearbhraithreacha, níor
bhféidir leamſa labhairt ribhſe
mar dháoinibh sbioradálta, achd
mar dháoinibh colluidhe, amhuil náoidh-
eanuibh a Gcríosd.
2 Do bheathaidh mé ſibh re bainne
agus ní re bíadh: óir níor bhféidir libh
fós [a ghabhail chugaibh:] agus a nois
féin ní féidir libh.
3 Oír atá ſibh fós colluidhe: Oír ó
atá tnúth, agus imreaſain, agus aimh-
reiteach eadruibh, a né nach bhfuiltí
colluidhe, agus nach ſiobhlann ſibh do
réir dháoine?
4 Oír an tan a deir neach, As lé Pól
miſi, a né nach bhfuiltí colluidhe?
5 Oír cía hé Pól? agus cía hé
Apollos, achd na miniſdrí tré ar chrei-
deabhair, agus do réir mar tug an Ti-
ghearna da gach áoinneach?
6 Do phlanndaigh miſi, do chraith
Apollos an tuiſge: achd a ſé Día tug
an fás.
7 Ar a nadhbharſin ní bhfuil éifeachd
ſa tí phlanndaigheas, na fós ſa tí chroi-
theas an tuiſge, achd a Ndía do bheir
an fás.
8 Agus is ionnann an tí phlanndaí-
gheas, agus an tí chroitheas an tuiſge:
agus do ghéubhaidh gach áon a thúa-
raſdal do réir a ſháothair.
9 Oír is comhluchd oibre do Dhía
ſinne: is ſibhſe treabhaire Dé, agus áit-
reabh Dé.
10 Do reir ghrás Dé tugadh dhamh-
ſa do chuir mé an fhonndameint, mar
mhaighiſdir íulmhar oibre, & tógbhuidh
neach eile obair air: Gidheadh tabhradh
gach áon dá aire cionnus thógbhus ſé a
nobair.
11 Oír ní héidir ré háoinneach fonnda-
meint ar bith eile do chur, táobh amuigh
[don fhonndameint] atá ar na chur
cheana, eadhon Íóſa Críosd.
12 Agus dá dtògbhuidh áoinneach ar
an bhfonndameintſi, ór, airgead, clocha
uáiſle, adhmad, féur, nó connlach:
13 Do dhéuntar obair gach áonduine
follus: óir foillſeochaidh an lá é do
bhrígh go madh léir é ris an dteine.
Agus foillſeóchaidh an teine cionnus
bhías obair gach éunduine.
14 Da nanaidh obair áonduine noch do
thóg ſé ar [an bhfonndameint] do ghéu-
bhaidh ſé túaraſdal:
15 Má loiſgear obair éunduine, ra-
chaidh a ſháothar amugha; gidheadh
ſáorfuighthear é féin, achd ſin fós amhuil
tré theine.
16 A né nach bhfuil a fhios aguibh
gur ſibh teampoll Dé, agus go gcomh-
nuigheann sbiorad Dé ionnaibh?
17 Má thruáilligheann einneach team-
poll Dé, ſgriosfuidh Día an tí ſin: óir
atá teampoll Dé náomhtha, noch as
ſibhſe.
18 Na mealladh éinneach é féin: má
chithear déunduine aguibh é féin do
bheith glic ſa ſáoghalſa, bíodh ſé na a-
madán, ionnus go mbíadh ſe glic.
19 Oír is aimhghliocas ré Día glioc-
as an tſáoghalſa: Oír atá ſgríobhtha,
Greamuidhe ſé na dáoine glioca ann a
ſlighthibh féin.
20 Agus a rís, Atá a fhios ag an
Dtighearna gur díomháoineach ſmuáin-
tighe na ndáoineadh glioc.
21 Uime ſin na déunadh áoinneach
máoithfeachas ar dháoinibh: óir is libhſe
na huile neithe:
22 Da madh é Pol é, nó Apollos,
nó Céphas, nó an ſáoghal, nó beatha,
nó bás, nò na neithe atá do lathair,
nó na neithe atá chum teachda, is
libhſe íad uile.
23 Agus as lé Críosd ſibhſe, agus as
le Día Críoſd.

CAIB. IV.

Pól na ſeàthan dheagh-fheadhmantaigh na
Heagluiſe.

GO madh hamhluidh mheasfus duine
ſinne mar mhiniſdridh Chríoſd,
agus mar fheadhmantachaibh rúin-
díamhradh Dé.
2 Tuilleadh eile, iarrthar ar na feadhman-
tachaibh go bhfuighthidh neach díleas.
3 Ar mo ſhonſa, is ro bheag mo ſhuim
a mbreitheamhnus do dhéunamh dháoi-
bhſa oram, ná fós a mbreitheamhnus
dáonna: achd fós ní bheirim breath
oram féin.

4 Oír ní feaſach dhamh ní ar bith
dhom tháobh ſéin: gidheadh ni ſháo-
rann ſin mé: achd a ſé an Tighearna
an tí is breitheamh oram.
5 Uime ſin ná beiridh breith ar
ſoinni roimh a nam, nó go dtí an Ti-
ghearna; noch ſhoillſeóchas neithe
folaigheacha an dorchadais, & nochdfus
rún na gcroidheadh: agus ann ſin do
ghéubhaidh gach áon moladh ó Dhía.
6 Agus a dhearbhraithreacha,do thar-
ruing mé na neitheſi chugum ſein agus
chum Apollos a bhfioghair ar bhur ſonſa:
chum ſibhſe dhá fhoghluim uáinn gan
bheith dháoibh ní ſa glioca ná mar atá
ſgriobhtha, gan neach aguibh do bheith
a naghaidh a chéile ar na ſhéideadh.
7 Oír cía chuireas ar leith thuſa? agus
créud atá agad nach bhfuáir tú? agus
má fuáir tú é, créd fa ndéanann tú glóir
as, mar nach glacſá é?
8 Atá ſibh a nois ſáitheach: atá
ſibh a nois ar bhur ndéunamh ſaidh-
bhir: do ghnodhaigheabhair ríoghachd
ionar bhféugmhaiſne: agus do bſearr
leam go bhſaghadh ſibh ríoghachd,
ionnas go mbeidhmíſne fós ar ríoghaibh
maille ribh.
9 Oír meaſuim gur chuir Día inne
na habſdail dheireannacha amach, mar
dhruing atá ar na dteilgean chum
báis: oír do rinneadh ſgáthán dhinn
don tſaoghal, agus daingliibh, agus do
dhaoinibh.
10 As amadáin ſinne ar ſon
Chriosd: achd atá ſibhſe glic a
Gcríosd; atamáoidne éugcruáidh, achd
atá ſibhſe láidir: atá ſibhſe ag
ſagháil onóra, agus ſinne ag fagháil
easonóra.
11 Gus a namſa ſéin atámáoid ag
fagháil ocaruis, agus iotart & atámáoid
lomnochdaigh, agus gabhthar do dhor-
naibh orainn, agus ní bhſuil ionadh
comhnuidhe ar bith áirighe aguinn.
12 Agus atámáoid ag fagháil ſháo-
thair ag déunamh oibre ría ar lámhuibh
ſéin; an tan mhallaighthear ſinn, do
bheirmíd ar mbeannachd uáinn: an
tan gherleantar ſinn,do bheirmid fulang
uáinn.
13 An tan mhaſlaighthear ſinn, nío-
máoid úrnaighe: atamáoid air ar ndéu-
namh mar ſhalchar an domhain, mar
ſgim na nuile nitheann gus a niugh.
14 Ní chum ſibhſe do náiriughadh
ſgríobhuim na neitheſi, achd mar mo
chloinn ionmhuin theaguſgim ſibh.
15 Oír bíodh go bhſuil deich míle do
luchd teaguiſg agáibh a Gcriosd,ní bíom-
dha fos bhur naithre. Oír is miſi do
ghin ſibh a Niôſa Críosd trés an tſoiſgéul.
16 Uime ſin iarruim dathchuinge
oraibh mo lorg féin do leanmhuin.
17 As chuige ſo do chuir mé Timo-
teus chugaibh, atá na mhac ghrádhach
agum, agus dileas ſa Dtighearna, noch
chuirſeas a gcuimhne dhibh mo ſhligheſi
a Gcríosd, do réir mar theaguiſgim
huile eagluiſibh an gach éainait.
18 Achd mar nách dtiocſuinn ní
mhó chugaibh, atá dream [aguibh]
nat ſúas.
19 Gidheadh do thoil an Tighea
tiocſuidh mé chugaibh go haithghea
agus aitheónuidh mé, ní híad bríathr
druinge ſin atá ar nat ſúas, achd
gcumhachda.
20 Oír ní a mbríathraibh atá ríoghach
Dé, achd a gcumhachdaibh.
21 Créud is áili libh? an lé ſ
thiucſas mé chugaibh, no ré gradh,
ré ſpioraid cheannſa?

CAIB. V.

*An duine colach do choinneal-bhàthadh,
drochmhein do chlabi thríd amach,
ghabhthar an cumaoineach.*

ATá ſé dhá aithris go coitcheann
bhfuil ſdríopachas eadruibh,
ionnſhamhuil do ſdríepachas nach
mnighthear a mealg na gcineadhach
eadhon go mbíadh bean a nathar ag
mac.
2 Agus atá ſibh ar nat ſúas,
níor ghabh dóbrón ſibh mar budh
chum fhir déunta an ghníomhſa
thogbháil as bhur lár.
3 Oír go deimhin do bhreathn
miſi cheana, mar neach nách bh
láthair a bpearſuinn,achd atá a lathai
sbioraid, amhuil mar do bhéinn a lát
an tí do rinne mar ſo an gníomhſa.
4 Ar mbeith dhíbhſe & dom ſpiora
cruinn a bhfochair a chéile a nainm
Dtighearna Iósa Críosd, maille
cumhachd ar Dtighearna Jósa Críosd,
5 Ionnſhamhail a nfirſin do thoirbh
do Shátan, chum na colla do cháoch
iónnus go ſaorſuidhe an ſbiorad a ló
Tighearna Jósa.
6 Ní bhſuil bhur ngáirdeachus i
mholta. A né nach bhfuil a fhios ag
go ngéruigheann beagán laibhín
táos uile?
7 Uime ſin ſgrioſaidh uáibh an ſe
láibhín, ionnus go mbíadh ſibh
dtáos núadh, amháil atá ſibh gan laib
Oír fuáir Críosd ar [núan] cáſgne,
iodhbairt air ar ſon.
8 Ar a nadhbharſin déunam an ſ
da chioimhéud, ni ré ſeanlaibhín,
laibhín uilc agus droichmhéine: achd
harán fhíorghloine agus fírinne
laibhín.
9 Do ſgríobh mé chugaibh a leitir,
bheith dhibh a gcaidreabh ſdríopach:
10 Achd ní híad ſdríopacha an
ghailſe go huilidhe, nâid a dháoine
tacha, náid a luchd ſracaireachda,
a luchd iodhaladhruidh: óir dá
íad, do chaithfeadh ſibh an
dſágbhail.
11 Achd a nois do ſgríobh mé
gaibh gan chaidreabh do dhéanamh,
bhíonn éainneach dá ngoirthear
bhráthair na ſdríopaigh, nó na
ſhanntach,

santach, nó na fhear iodhaladhruidh,
na fhear misge, nó na fhear fáad-
be; nácaithidh fiu an bhídh na fho-
cháir.
12 Oir créud i mo chuidse do bhrei-
theamhnus do thabhairt ar an druing atá
amuigh? a né nách air an druing atá a
stigh do bheir sibhse breitheamhnus?
13 Achd do ní Día breitheamhnus ar an
druing atá amuigh. Uime sin tógbhuidhsi
libh as bhur lár an drochdhuine sin.

CAIB. VI.

*...agartha agardais chur fa bhreith na neimh-
chreidmheach, 15 & truailleadh an chuirp,
...is teampall Spioradalta do Chríosd.*

AN lamhann éinneach aguibh, agá
bhfuil cáis a naghaidh dhuine eile,
dul faoi bhreithehmhnus na náomh,
achd na ndáoine míochothrom?
2 A né nách bfuil a fhios aguibh go
mbéaraid na náoimh breath ar an do-
mhan? & másribhse bheirthar breath ar
an domhan, a né nach fiu sibh bheith
ar mbreitheamhnuibh ar na hadhbha-
raibh is lugha?
3 Nach fios díbh go mbéaramne brei-
theamhnus ar na hainglibh? créud fá
nach mó ná sin ar na neithibh bheanus
ris an mbeathaidh si?
4 Uime sin ó tá sibh a nionadh brei-
theamhnuis do dhéunamh ar na neithibh
bheanus ris an mbeathaidh so, cuiridh
na suidhe chum bhreitheamhnuis an
dream atá fá tharcuisne sa neagluis.
5 As do chur adhnáire oraibh do labh-
raim. An mar sin nach bfuil go fiu
éandaoine amháin eagnuidhe eadruibh dá
dtiocfadh breitheamhnus do dhéunamh
idir a dhearbhráithre.
6 Achd téid dearbhráthair chum dli-
ghe ré dearbhráthair [eile], agus sin fós
a lathair dháoine gan chreideamh.
7 Uime sin a nois atá lochd go cinnte
ionnuibh, tré dhul díbh chum dlighe ead-
ruibh féin. Créd fá nách bhfuilngthi éug-
cóir ní as táosga? créd fa nách bhfuil-
ngthí bhur mealladh ní as luàlghthe?
8 Gidheadh fós do ní sibh féin éug-
cóir agus díoghbháil, agus sin ar bhur
ndearbhráithribh.
9 A né nach bhfuil a fhios aguibh,
nach bhfaghuid luchd déanta na heugcóra
flaitheas ríoghachda Dé? ná mealltar sibh.
Ní bhfuighidh sdríopthacha, na luchd io-
dhaladhruidh, na luchd adhaltrannais, ná
dáoine macnusacha, ná dáoine míona-
dártha,
10 Ná gaduighthe, ná dáoine sanntacha,
na luchd misge, na luchd imdheargtha,
na luchd fracaireadha, oidhreachd ríoghach-
da Dé.
11 Agus mar so do bhí cuid agaibhse:
achd atá sibh ar bhur nionnladh, achd
atá sibh ar bhur náomhadh, achd atá sibh
ar bhur sáoradh, a nainm an Tighearna
Íosa, agus tré Spioraid ar Ndéinne.
12 Atáid na huile neithe dlisdeanach
dhamh, achd ni bhfuilid uile tar-
bhach: atáid na huile neithe dlisdeanach
dhamh, gidheadh ní béarthar faoi chumh-
achda éinneithe mé.
13 An bíadh don bholg agus an bólg
don bhíadh: gidheadh sgriosfuidh Día
íad ar áon. Achd ní do sdríopachas [do
hórduigheadh] an corp, achd don Tigh-
earna, agus an Tighearna don chorp.
14 Agus do thóg Día an Tighearna
súas, agus tóigeabhaidh sé sinne súas
ré na chumhachdaibh féin mar an
gcéadna.
15 A né nach bhfuil a fhios aguibh
gur boill do Chríosd bhur gcuirp? uime
sin an dtoigeubháidh misi boill Chríosd
chum ball sdríopaidhe do dhéunamh
dhíobh? nár léige Día sin.
16 A né nách bhfuil a fhios aguibh,
an tí atá ceangailte do sdríopaidh, gur
éunchorp [ría] é? óir Biaidh, ar sé, días
na naóinfheóil.
17 Gidheadh an tí atá ceangailte don
Tighearna, is áoinspiorad [ris] é.
18 Seachnuidh sdríopachas. Atá gach
peacadh dá ndéanann duine leith amuigh
don chorp: achd an tí do ní sdríopachas,
do ní sé peacadh a naghaidh a choirp féin.
19 A né nach bhfuil a fhios aguibh, gur
ab é bhur gcorp teampoll an Spiorad
náoimh, noch atá ionnuibh, agus atá
aguibh ó Dhía, agus nach libh féin
sibh?
20 Oir do cheannchadh sibh ar lúach:
uime sin tugaidh glóir do Dhía, ré bhur
gcorp, agus ré bhur Spioraid, óir is lé
Día iad.

CAIB. VII.

*Freagra na ccelsde attaobh posadh, 18 Ghairme
nó oifige dhuine, 25 & Gheanmnuidheachd.*

TUilleadh eile a dtáobh na neitheann
do sgríobh sibh chugam: is maith
dfear gan buáin ré mnáoi.
2 Gidheadh do sheachna sdríopachais,
bíodh a bhean féin ag gach áoinneach,
& a fear féin ag gach éunmhnáoi.
3 Tugadh an fear a dúalghus féin don
mhnáoi: agus an bhean don fhior mar
an gcéudna.
4 Ní ag an mnáoi atá cumus a cuirp
féin, achd ag an bhfear: agus ní ag an
bfear atá cúmus a chuirp féin mar an
gcéudna, achd ag an mnáoi.
5 Ná meallaidh a chéile, achd amháin
do thoil a chéile air feadh tamuill, chum
sibh féin do thabhairt do throsgadh, agus
dúrnaighe: agus a rís taguidh a gceann
a chéile, deagla go gcuirfeadh Satán
cathughadh oraibh tre bhur neamhghean-
mnuidheachd.
6 Achd is mar chomhairle a deirim
so ribh, agus ní mar áithne.
7 Oir do bfearr leam go mbíadh na
huile dháoine mar mé féin: gidheadh
atá a thiodhlacadh féin ag gach éunduine
ó Dhía, ag neach mar so, agus ag neach
eile mar súd.
8 Uime sin a deirim ris an druing
nach bhfuil pósda, agus ris na bain-

treabhachaibh gur maith dhóibh má fha-
nuid ſiad mar fhanuimſe.
9 Gidheadh muna féidir ríu iad féin
do chongmháil geanmnuidh, pósadh ſiad:
óir as fearr pósadh ná bheith ar la-
ſadh.
10 Achd áithnighim don druing atá
pósda, bíodh nach miſi, achd an
Tighearna, Gan an bhean do dhealugh-
adh ré na fear.
11 Achd má dhealuigheann ſí [ris]
fhanadh ſí gan phósadh, nó bíodh ſí
réidh ré na fear; agus ná ligeadh an
fear a bhean.
12 Achd a deirimſi re cách, [agus] ní
hé an Tighearna: Dá raibh bean gan
chreideamh ag dearbhráthair ar bith,
& go dtig a háonta ar fhuireach na
fhochair, ná cúireadh úadh í.
13 Agus an bhean agá bhfuil fear gan
chreideamh, agus go dtig a áonta ar
fhuireach na fochair, na cuireadh ſiſe
uáithe é.
14 Oir atá an fear gan chreideamh, ar
na náomhadh ſa mnáoi, agus atá an bhean
gan chreideamh ar na náomhadh ſan
bhfear: nó do bhíadh gan amharus bhur
gclannſa neamhghlan: achd a nois atáid
ſiad náomhtha.
15 Gidheadh dá ndealuighe an duine
gan chreideamh é féin, bíodh ſé dealuigh-
the: ní bhfuil dearbhráthair, nó deirbh-
ſhiur ſá dháoirſe ann a leíthid ſo do chás:
ach is chum ſíothchána do ghoir Día ſinn.
16 Oir gá fios duit a bhean, nach
ſláineochthá an fear? nó gá fios duit a
fhir, nách ſlainneochthá an bhean?
17 Achd do réir mar do roinn Día
[a thíodhlaice] ré gach éunduine, do réir
na gárma tug an Tighearna dá gach áon,
go madh hamhluidh ſin ſhiubhalſus ſé.
Agus is mar ſin órduighimſe ſna huile
eagluiſibh.
18 An bhfuil éinneach ar na ghairm ar
mbeith dhó timchillghéarrtha? ná híar-
radh ſé a bheith neimhthimchillghearr-
tha: an bhfuil éinneach ar na ghairm
gan bheith dhó timchillghéarrtha? ná
timchillghéarrthar é.
19 Ní bhfuil éifeachd ſa timchillghear-
radh, & ní fhuil éifeachd ſá neimhthim-
chillghearradh, achd a gcoimhéud ai-
theantadh Dé.
20 Fanadh gach áon ſa ngairm ionar
goireadh é.
21 Nar goireadh thú ad ſhearbhfho-
ghantuidhe? ná bíodh ſuim agad ann:
gidheadh más féidir leachd bheith ſaor,
go madh hé ſin do rogha.
22 Oir an tí atá ar na ghairm ſa
Dtighearna na ſhearbhfhoghantuidhe, is
duine ſaor é don Tighearna, is mar an
gcéudna fós an tí atá ar na ghairm ar
mbeith dhó ſaor, as ſearbhfhoghantui-
dhe do Chríoſd é.
23 Do ceannchadh ſibh ar lúach, ná bí-
ghidh bhur ſeirbhiſeachuibh do dháoinibh
24 A dhearbhráithreacha, fanadh gach
aon ag Día, ſa ngairm a fuáir ſé.
25 Achd a dtáobh na maighdean
bhfuil áithne an Tighearna agam
eadh do bheirim comhairle, mar
fuáir trócaire ón Dtighearna ré
díleas.
26 Uime ſin ſaoilim gur maith
ſon an riachdanuis atá do lathair,
maith do dhuine bheith mar ſin.
27 An bhfuil tú ceangailte do
na híarr dealadh [ría.] An bhfuil
ſgáoilti ó mhnáoi? ná híarr bean.
28 Achd fós ma phósann tú, ní
peacadh dhuit ann: & má phósann
dean, ní bhfuil peacadh dhi ann:
do gheubhaid a leithid ſo buáidhirt
tháobh na feóla: achd atáimſe
ccoigilt.
29 As uime a deirim ſo, a dhear
threacha, do bhrígh na haimſire
bheith aithghearr: ionnus go mbíadh
drung agá bhfuilid mná, mar nach
[mná] acá:
30 Agus an dream do ní cáoi,
dhruing nach déun cáoi; agus an
do ní gáirdeachus, mar luchd nach
gáirdeachus: agus an dream cheannuigh
mar dháoinibh gan ſealbh aca:
31 Agus an dream chaitheas an ſaoghal
mar dhruing nach ccaitheann é:
thigh ſgéimh an tſaoghailſe thart.
32 Agus bá mían leam ſibhſe do bheith
gan rochúram. An té nach bí pósda,
cúram na néitheann bheanus ris an
Tighearna air, cionnus budh fhéidir
toil an Tighearna do dhéunamh:
33 Achd an té bhíos pósda, bí cúram
na neitheann ſáoghalta air; cionnus
búdh fhéidir leis toil a mhná do dhéu-
namh: atá dithſir eatorra.
34 Agus bí curam na neitheann bhea-
nus ris an Dtighearna ar an mnáoi &
an maighdin nach bí pósda, ionnus
mbíadh ſí náomhtha a gcorp agus a
ſpioraid: achd bí cúram na neitheann
bheanus ris an ſáoghal ar an mnáoi
bhíos pósda, cionnus búdh fhéidir
toil a fir do dhéunamh.
35 Agus is ar mhaith libhſe a deirim
na neitheſi: ní chum bhur ngabhála
ndul, achd ionnus go cceangaladh
don Tighearna go cneaſda gan trioblóid.
36 Achd dá ſaoilidh éinneach nach
chubhaidh dhá mhaighdin bláth a háoiſe
ſire do léigean thairrſi, & gur cóir a dhéu-
namh mar ſin: déunadh mar is áil
ni bhfuil peacadh dhó ann: pósdar
37 Achd an tí atá dearbhtha
chroidhe féin, ar nach bhfuil riachdanus,
agus fhéudus a thoil féin do chongmháil,
ghadh, agus do chuir ſo roimhe
chroidhe, a mhaighdean do choimhéud,
is maith do ní ſé é.
38 Uime ſin is maith do ní an tí
bheir dſior [í.] achd is fearr do ní an
té nách tabhair dſior [í.]
39 Atá an bhean ceangailte ó dhlighe
eadh ar feadh ſhaoghail a fir: gidheadh
dá bhfaghuidh a fear bás, atá ſí

lior ré pósadh ris an tí as áill ría:
amháin sa Dtighearna.
40 Achd do réir mar shaoilimse, as
mó is beannaighe í da nanaidh sí mar
sin: agus is dóigh leamsa go bhfuil
Spiorad Dé agum féin.

C A I B. VIII.

Go bhfuil ar Neolas insdiúradh le Grádhglan.

TUilleadh eile a dtaobh na neith-
eann iodhbarthar diodhaluibh, atá
a fhios aguinn go bhfuil éolus aguinn
uile. Arduighe an teólus inntinn dhuine,
achd do ní an grádh follamnughadh.
2 Achd más dóigh ré héunduine fios
neithe do bheith aige, ní feas dó fós
einni, do réir mar budh chóir fios do
bheith aige.
3 Achd dá dtuguidh éinneach grádh
do Dhía, as eólghach dhô é.
4 Uimesin a dtáobh ithe bhídh iodh-
barthar diodhaluibh, atá a fhios aguinn
nach bhfuil éiseachd ar bith a nio-
dhail, agus nach bhfuil Día eile ann,
achd an táon Día.
5 Oir biodh go bhfuilid [neithe ann]
dá ngoirthear Dée, ar neamh agus ar
talamh, (amhail atáid iomad Dée, agus
iomad tighearnadh.)
6 Gidheadh [ní bhfuil] aguinne achd
aon Ndía amháin, an Tathair, ó bhfuilid
na huile neithe, & sinne annsan: & éin-
Tighearna Iósa Críosd, tré a bhfuilid na
huile neithe, & sinne thrídsion.
7 Gidheadh ní fhuil an teólus sin ag
gach éunduine: Oir atá dream áirighe
agá bhfuil fios na hiodhaile gus a nois,
itheas é mar ní iodhbarthar diodhaluibh:
agus ar mbeith dà ccoinnsiàs éugcruàidh,
salaighthear é.
8 Achd ní moltar sinn ar son bídh a
bhfiadhnuise Dé: òir dà nitheam, ní
haidhbhride. sinn é: agus muna nitheam,
ní dáibhride sinn é.
9 Gidheadh tugaidh bhur naire ribh
nach biaidh an cumhachdasa atá aguibh,
a gcáil ar bith, na adhbhar oilbhéime
don druing atà lag.
10 Oir da bhfaicidh éunduine thusa
agá bhfuil eólas, ad shuidhe ar bhórd a
tteampoll na niodhal, a né nach neirteó-
char connsias an tí atà meiribh, chum na
neitheann iodhbarthar díodhaluibh ithe?
11 Agus do bhrígh heóluise, an ra-
chaidh an dearbhràthair éugcruàidh a-
mugha, agà bhfúair Críosd bás ar a shon?
12 Agus mar sin ag peacughadh dhíbh
a naghaidh na ndearbhraithreach, & ag
bualadh a ccoinnsiais éugcruàidh, do ní sibh
peacadh a naghaidh Chríosd.
13 Uime sin dà dtugaidh biadh adh-
bhar oilbhéime dom dhearbhbràthair, ní
iosaidh mé feóil go bràth, ionnus nach
ttiobhrainn adhbhar oilbhéime dom
dhearbhràthair.

C A I B IX.

Cruas na Neasbal. 7 Beathughadh na Ministreadh, 24 le an bheathasa mar choimhliong.

A Né nách easbal misi? a né nach
bhfuilim saor? a né nach bhfacaidh
mé Jósa Críosd ar Dtighearna? a né
nach sibhse mobair sa Tighearna?
2 Biodh nach easbal mé do dháoinibh
eile, go dearbhtha a seadh dháoibhse:
Oir as sibhse séula mabsdaltachda sa Ti-
ghearna.
3 A sí so mo fhreagra don druing
chuirfeas ceisd oram,
4 A né nach bhfuil cumhachd ithe &
ibhthe aguinne?
5 A né nach bhfuil cumhachd aguinn
bean ná deirbhshiúr do bhreith linn fa
gcuairt, amháil do níd an chuid eile do
na habsdalabh, & bráithreacha an Ti-
ghearna, & Céphas?
6 Nó an bhfuilimse amháin agus Bar-
nabas gan chumhachd aguinn bheith saor
ó obair?
7 Cía théid chum cogaidh uáir ar bith
ar a chosdus féin? cía chuireas fíneamh-
uin, & nach itheann féin dá toradh?
nó cía bheathuigheas tréud, agus nach
blaiseann do bhainne an tréuda?
8 An mar dhuine labhrum na neithe-
so? a né nach abair an reachd na nei-
thesi mar an gcéudna?
9 Oir atá sgríobhtha a reachd Mháoisi;
Ná cuir ceangal ar bhéul an daimh bhri-
seas an tarbhar. An bhfuil cúram damh
ar Dhía?
10 Nó a né nach air ar soinne go
huilidhe a deir sé [so?] go deimhin as
air ar scinne atá sé sgríobhtha: Oir as
maille ré dóthchas is cóir don treabhaire,
treabhadh do dhéanamh: & don bhuáil-
teóir [búaladh,] a muinighin go bhfui-
gheadh sé tairbhe a dhóthchais.
11 Má shíolchuir sinne neithe sbiora-
dálta dháoibhse, an mór [libhsi] sinne
do bhuáin bhur neitheann saoghaltasa?
12 Má gheibhid dáoine eile toradh an
chumhachdasa uáibh, créud fá nách bhfui-
ghemisne é ní sa mhó? gidheadh níor
chuireamar na cumhachdasa a ngnás:
achd iomchramáoid na huile neithe,
ionnus nach dtiocfadh dhínn toirmeasg ar
bith do chur ar shoisgéul Chríosd.
13 A né nách bhfuil a fhios aguibh,
an dream sháothruigheas a dtimcheall
na neitheann náomhtha, go nithid siad
do neithibh an teampoill? agus an dream
bhíos do ghnáth ag fritheoladh na hal-
tóra, go bhfaghaid cuid ranna don
naltóir?
14 As mar an gcéudna do órdaigh an
Tighearna don druing fhoillsigheas
an soisgéul, a mbeatha dfaghail on
tsoisgéul.
15 Gidheadh níor chuir misi éinni
dhíobh so a ngnás. Agus fós ní hóime
do sgríobh mé na neithesi, ionnus go
ndéantaoi mar sin leam féin: Oir
do bhfearr leam bás dfaghail, ná go
ccuirfeadh éinneach mo mhaoidhthfea-
chus a neimbrígh.
16 Oir biodh go ndéanuinn an sois-

géul do sheanmórughadh, ní bhfuil [adh-
bhar] máoithfeachnis agam : do bhrigh
go bhfuil sé na éigean oram; Agus as
trúagh dhamh muna ndéana mé an
soisgéul do sheanmórughadh.
17 Oír más ó thoil do ním so, atá
lúaidheachd agam : achd más a nadh-
aigh mo thoile, atá [fós] a chúram ar
na léigean táobh ríom.
18 Uime sin créd í mo lúaidheachd ?
Go fírinneach soisgéul Chríosd do tha-
bhairt uáim a naisgidh an tan sheanmó-
ruim é, do chum gan na cumhachda atá
agam sa tsoisgél dísliughadh.
19 Oír biodh go bhfuilim sáor ó na
huile dháoinibh, do rinne mé searbh-
fhoghantuidhe dhíom féin do na huile
dháoinibh, chum ní sa mhó do gno-
dhughadh dhamh.
20 Agus do bhí mé mar Júduighe do
na Júduighibh, chum na Niúduigheadh
do ghnodhughadh : don druing atá fáoi
an reachd, amhuil [mar bheinn] fáoi
an reachd chum na druinge atá fáoi
an reachd do ghnódhughadh dhamh:
21 Don druing atá gan reachd, mar
[do bhéinn] gan reachd (bíodh nach
bhfuilim gan reachd do tháobh Dé, achd
umhal do reachd Chríosd) chum na
druinge gan reachd do ghnodhughadh
dhamh.
22 Do bhí mé do na dáoinibh anbhfann
mar dhuine anbhfann, amhuil [mar do
bheinn] meirbh, chum na ndáoine anbh-
fann do ghnodhughadh dhamh : Do bhí
mé sa nuile chruth do na huile dhaói-
nibh, chum go saorfuinn cuid éigin ar
gach uile chor.
23 Agus as ar son an tsoisgéil do ním
so, ionnus go mbíadh cuid agum dhe
maráon ribhse.
24 A né nach bhfuil a fhios aguibh,
an dream bhíos ag coimhrith ré chéile,
go ríothaid uile, bíodh gur ab éunduine
bheireas an geall? go madh hamhluidh
dhéantáoisi rioth, ionnus go madh éidir
libh gnodhughadh.
25 Agus gach áon chleachdussbáirn, is
measardha é sna huile neithibh: Agus is
uime do nid siadsan sin, chum coróine
truáillighe dfagháil : achd inne chum
coróine neamhthruáillighe.
26 Uime sin as amhluidh ríothaimsi,
ní mar fá thuáirim : as amhluidh do ním
sbáirn, ní mar neach bhuáileas an taiéur.
27 Achd sgiúrsaim an cholann, agus do
bheirim fá umhlachd í : deagla ar éun-
chor ar ndéunamh seanmóra do dhruing
eile dhamh, go ccuirfidh mé féin air ccúl.

CAIB. X.

Gurab peacadh saibhreach, & iodholadhradh, fleadh na ndeamhan; 21 Creideamh & Grádh, bord Chríosd.

TUilleadh eile fós a dhearbhraithrea-
cha, ní háill leam bheith dhibh
ainbhfeasach, go rabhadar ar naithre
uile fáoi an néul, agus go ndeachadar
uile thríd a bhfairge :
2 Agus gur baisdeadh íad uile lé M…
sa néull, agus sa bhfáirrge:
3 Agus gur itheadar uile áon bh…
amháin sbioradálta :
4 Agus gur ibheadar uile dáoin…
amháin sbioradálta : Oír do ibhe…
don charruic sbioradálta do lean […]
agus dob í an charruic sin Críos…
5 Achd ní raibh Día réidh ré …
rán aca: óir do sgriosadh íad …
bhfásach.
6 Atáid na neithesi a nois na …
siompláiribh aguinne, ionnus nách …
fonn droichneithe orainne, amhail …
bhí orrthasan.
7 Uime sin na bighidhsi bhur …
iodhaladhruigh, mar do bhí dream …
san, amhail atá sgríobhtha; Do …
an pobal síos chum ithe, agus ibh…
agus do éirgheadar na seasamh …
súgartha.
8 Agus ná déanaimne sdríopacha…
mhuil do rinneadar cuid acasan, …
thuiteadar a néunló, trí mhile …
chiot [pearsa.]
9 Agus ná cuireamne cathughadh …
Chríosd, amhuil do chuireadar cuid …
san, agus do sgriosadh íad ré haith…
chaibh neimhe.
10 Agus na déunaidhsi munmh…
mhuil do rinneadar cuid acasan, & …
sgriosadh íad ris an sgriosdóir.
11 Agus tárla na neithesi uile dh…
sion na neisiompláraibh: agus is …
fógartha do thabhairt dúinne, …
rug deireadh an domhuin, do …
bhadh íad.
12 Uime sin an tí sháoileas bheith …
sheasamh, tugadh aire ris féin, deagl…
bhfuigheadh sé leagadh.
13 Ní thárla cathughadh [ar …
dhíbh, achd an cathughadh leanus …
áon : & atá Dia fírinneach, nách …
leóngaidh cathughadh do chur oraibh …
cionn bhur neirt, achd do dhéna …
slighe dhíbh ann sa gcathughadh, ionn…
go madh éidir libh a iomchar.
14 Ar a nadhbharsin, a dhearbhráith…
grádhacha, seachnaidh iodhaladhra…
15 Labhruim, mar [laibheóruinn] …
dáoinibh tuigsionacha : beiridh …
breith air a ní labhruim.
16 A né nach é cumáoin fhola Chríosd, …
cupán na mbeannachd, do níomáoid …
do bheannughadh? A né nách é cumáoin …
choirp Chríosd, an tarán bhrismíd?
17 Oír as áonarán, agus áonchorp …
sinne [bíodh go bhfuilmíd] morán, …
bhrígh go nglacmáoid uile ar …
déunarán.
18 Tabhruidh aire re Hisrael do …
na feóla : a né nách bí cuid …
don naltóir, ag an druing itheas …
híódhbartha?
19 Uime sin créud a deirim? …
go bhfuil éifeachd sa niodhall, …
bhfuil éifeachd sa ní iodhbarthar do
dhaluibh?

20 Achd

20 Achd [a deirim] gur do dhia-
[...]laibh iodhbruid na cineadhacha na
[...]e ſodhbruid ſíad, agus nach do
Dhía : agus ní háill leam cumann do
bheith aguibhſi ris na diabhluibh.
21 Ni héidir libh cupán an Tighearna
[...]ohe, agus cupán na ndeamhan : ni héi-
[...]r libh comhruinn bhuird an Tighear-
na dfagháil, agus bhuird na ndeamhan.
22 An bhfuilmíd ag broſdughadh an
Tighearna chum feirge? an treiſi linne
[...] leiſion?
23 Atáid na huile neithe dliſdeanach
dhamh, gidheadh ní bhfuilid uile tar-
[...]ach: atáid na huile neithe dliſdea-
nach dhamh, gidheadh ní fhollamnui-
ghid uile.
24 Nár ab é a ní bheanus ris féin ſhir-
[...] neach ar bith, ach ſireadh gach áon
a ní rachus a ſochar dá chomharſuin.
25 Ithidh gach ní reacthar ſa margadh,
gan cheiſd ar bith do tháoibh choinnſiáis.
26 Oir as leis an Dtighearna an ta-
lamh, gon a lionmhaireachd.
27 Agus dá dtugaidh éunduine don dru-
ing atá gan chreideamh, cuíreadh dhíbh,
& go madh toil libh dul riu: Ithidh gach
ní churthar bhur bhfiadhnuiſi, gan cheiſd
ar bith do chur do tháobh coinnſiáis.
28 Gidheadh dá nabrudh éunduine ribh,
[...] diodhaluibh do híodhbradh ſo, ná
hithidh [é.] ar ſon an tí do fhoillſigh
dhíbh é, & ar ſon coinnſiás: Oír as leis
an Tighearna an talamh, gon a líon-
mhaireachd.
29 Agus ní hé do choinnſiás a deirim,
achd choinnſias an duine eile ſin: Oír
créud fá a ndaimeóntáoi mo ſháoirſe ré
coinnſias dhuine eile.
30 Agus más tré ghrás Dé ránntar riom-
[...] é, créud fá labharthar go holc oram,
ar ſon a neithe fá dtugam buidheachas?
31 Uime ſin mas ithe, nó ibhe
[...]oibh, nó gidh bé ar bith ní do
[...] ſibh, go madh chum glóire Dé dhéa-
[...] ſibh na huile neithe.
32 Ná tábhruidh adhbhar oilbhéime
do na Júduigheadhaibh, ná do na Gréu-
[...]chaibh, ná deagluis Dé.
33 Do réir mar do nímſe toil gach
áoin ſna huile neithibh, agus ni diar-
[...]idh eudála dhamh féin, achd do mhorán,
chum a ſlánaighthe.

C A I B. XI.

Ceann an fhir do nochdadh ſa neireachd, 5 *ceann na mná fá fholach.* 21 *cleachda ne-amh-naomhtha an chumainigh* 23 *ar na athdhforghadh.*

BIghidh bhur luchd leanmhana
dhamhſa, do réir mar atáimſe
do Chríoſd.
2 Agus moluim ſibh a dhearbhrái-
threacha, fá choimhne do bheith aguibh
oram ſna huile neithibh, agus fá bheith
dhíbh ag coimhéud na norduightheadh,
amhuil tug mé dhíbh [íad.]
3 Gidheadh as mian riom a fhios do
bheith aguibh, gurab é Críoſd ceann gach
fir: & gur ab é an fear ceann na mná:
& gur ab é Día ceann Chríoſd.
4 Gach uile fhear agá mbí folach ar a
cheann, ag urnaighe dhó, nó ag fáidhea-
dóireachd, do bheir ſé eaſonóir dhá cheann.
5 Gidheadh gach bean agá mbí a ceann
nochdaighe, ag urnaighe nó ag fáidhea-
dóireachd dhi, do bhéir ſí náire dhá
ceann, óir is ionann ſin agus a bheith
beárrtha dhi.
6 Oir muna raibh folach ar cheann na
mná, beárrthar í mar an gcéudna: achd
mas gránna do mhnáoi bheith beárrtha,
nó lom, cuireadh ſi folach uirthe.
7 Oír ní cóir don fhior a cheann dfo-
lach, do bhrígh gur ab é iomháigh
ghlóire Dé é: achd a ſí an bhean
glóir an fhir.
8 Oír ní ón mhnáoi an fear: achd
ón fhior an bhean.
9 Oír ní ar ſon na mná do cru-
thuigheadh an fear: achd an bhean
ar ſon a nfir.
10 Uime ſin, is cóir don mhnáoi folach
do bheith ar a ceann, arſon na naingeal.
11 Gidheadh ní [bhfuil] an fear a
néugmhais na mná, ná an bhean a néug-
mhais a nfir, ſa Dtighearna.
12 Oír amhail mar is ón bhfear an
bhean, mar an gcéudna as tríd an mnáoi
an fear: achd is ó Dhía na huile neithe.
13 Meaſaidh ionnuibh féin, an cubhaidh
do mhnáoi gan folach [ar a ceann,] Día
do ghuidhe?
14 A né nach bhfuil an nádúr féin dá
theagusg dhibh, gur nár dfior gruág fhada
do bheith air?
15 Gidheadh dá raibh grúag fhada ar
mhnáoi, as glóir dhi é: óir is mar fho-
lach tugadh a grúag dhi.
16 Ach ma bhíonn éanduine cointin-
neach, ní bhfuil a leithid ſin do ghnás
aguinne, nó ag eagluiſibh Dé.
17 Agus agá fhoillſiughadh ſo dhamh,
ní mholaim ſibh, fá theachd a gceann a
chéile dhibh, ní chum bhur leaſa, ach
chum bhur naimhleaſa.
18 Oír ar tús, ar gcruinniughadh
dhíbh a gceann a chéile ſa neagluis, do
chluinim go mbíd ſioſmadha eadruibh,
agus creidim é a ccáil.
19 Oír is éigin fós Eiriceachd do
bheith bhur meaſgſa, chum na druinge
atá dearbhtha eadruibh bheith follus,
20 Uime ſin ar gcruinniughadh dhíbh
a gceann a chéile, ní hé ſin ſuipéir an Ti-
ghearna do chaitheamh.
21 Oir ithidh gach áon a ſhuipéir féin
air tûs, & bí ocarus ar dhuine aguibh, &
duine eile ar miſge.
22 A né nach bhfuil tighthe aguibh
chum ithe, agus ibhthe? no an bhfuiltí
ag tarcaiſniughadh eagluiſi Dé, & ag
tabhairt náire don druing atá gan éainni?
Créud a déura mé libh? an molfad ſibh?
ní mholaim ſibh ſa gcáſſa.
23 Oír is ón Dtighearna fuáir miſi
a ní thug mé dhíbhſe mar an gcéudna,

gur ghlac an Tighearna Josa arán sa
noidhche ionar braitheadh é:
24 Agus ar mbreith bhuidheachais dó,
do bhris sé [é,] agus a dubhairt sé, Gla-
caidh, ithidh: a sé so mo chorpsa bhris-
dear ar bhur sonsa: déunaidh so mar
choimhniughadh oramsa.
25 Agus an cupán mar an gcéudna
tar éis suipéir, ag rádh, A sé an cupánsa
an tiomna núa trém fhuilse: déunaidh
so, dhá mhioncachd ibthi [é,] mar
choimhniughadh oramsa.
26 Oír ní bhfuil dá mhionca íosas
sibh an taránsa, agus iobhthas sibh an
cupánsa, nach bhfoillsigheann sibh bás an
Tighearna, go teachd dhó.
27 Uime sin gidh bhé íosas an ta-
ránsa, nó íobhthas cupán an Tighearna
go neimhiomchubhaidh, biáidh sé cionn-
tach do chorp & dfuil an Tighearna.
28 Ar a nadhbharsin dearbhadh gach
áonduine é féin, agus mar sin itheadh sé
do paránsa, & ibheadh don chupánsa.
29 Oir gidh bé itheas agus ibheas go
neimhiomchubhaidh, ithidh agus ibhidh
sé damnughadh dho féin, an tan nach
déun sé eidirdhealughadh eidir chorp an
Tighearna [agus bhiadh eile.]
30 Dá bhrígh so atáid morán meirbh
agus ar dhith neirt eadruibh, agus mo-
rán ar néug.
31 Oir dá mbeith breathnughadh a-
guinn oruinn féin, ni bhéarthaoi breath
oruinn.
32 Gidheadh an tan bheirthear breath
oruinn, is ris an Tighearna smachdaigh-
thear sinn, deagla ar ndamnaighthe
maille ris a tsaoghal.
33 Uime sin a dhearbhráithreacha,
ar dteachd dibh a gceann a chéile chum
ithe, fuirighidh ré chéile.
34 Agus dá ràibh ocarus ar éinneach,
itheadh sé agá thigh, deagla theachd
daoibh a gceann a chéile chum dam-
naighthe: agus ar dteachd damh cuirse
mé gach ní eile a nórdughadh.

CAIB. XII.

Gu bfuil na tiodhluicte neimh-ionann arson tairbhe na nuile, 12 mar bhallaibh an chuirp nadurdha.

ACHD a dtáobh neithibh spioradálta,
a dhearbhráithreacha, ní háill leam
bheith dhaoibh ainbhfeasach.
2 Atá a fhios aguibh, go rabhabhair
bhur gcineadhachaibh, ar bhur dtarruing
go hiodhaluibh balbha, do réir mar do
treóruigheadh sibh.
3 Uime sin foillsighim dhàoibh, nach
abair éinneach labhrus ó Spioruid Dé, Jó-
sa do bheith mallaighe: agus nach téidir
dáoinneach a ràdh gur bé Jósa an Tighear-
na, achd trés an Sbiorad náomh.
4 Atàid tiodhlaice éugsamhla ann,
achd ní bhfuil achd éin Sbiorad amh-
áin.
5 Agus atáid miniosdràlachda éug-
samhla ann, gidheadh ní bhfuil achd
éin Tighearna amhàin.
6 Agus atà oibriughadh éugsamhla
ann, gidheadh a sé an táon Dia oi-
righeas na huile neithe, sna huilibh.
7 Agus do gheibh gach áon foillsiu-
ghadh na Sbioraide, chum tairbhe.
8 Oír do gheibh neach briathar eagna
trés an Sbioruid, agus neach eile brià-
thar eóluis trés an sbioraide chéudna;
9 Neach eile creideamh trés an Sbio-
ruid chéudna: agus neach eile tabhartus
leighis, trés an Sbioruid chéudna;
neach éile oibriughadh míorbhuileadh;
& neach eile faidheadóireachd;
neach éile breathnughadh sbiorad:
10 Agus neach eile [morán] do ghnè-
thibh teangthadh: agus neach eile ei-
niughadh teangthadh.
11 Agus as Aoinsbiorad amhàin oi-
righeas na neithesi uile, ag roinn
gach àon fó leith, do réir mar as áil
ris.
12 Oír amhuil mar as àon an corp,
agus moràn do bhallaibh aige, & buill
a néunchuirp uile, biodh gur ab iomdha
íad, nach bhfuil ionnta achd éanchorp
amhàin, as mar an gcéudna atà Críost.
13 Oir is tré Aoinsbioruid do baisdeadh
sinn uile chum éunchoirp, más Iúduighe
sinn, nó Gréugaigh, más sáor nó daor
sinn: agus tugadh deoch dhúinn uile
a hibhe chum éin Sbioruide.
14 Oir ní héanbhall an corp, achd
moràn.
15 Dà nabradh an chos, Do bhrígh
nách mé an lámh, ni don chorp mé:
a né nach don chorp í ar a shon sin?
16 Agus dà nabradh an chlúas, Do
bhrigh nách mé an tsúil, ni don chorp
mé: a né nách don chorp í ar a shon sin?
17 Dà [mbíadh] an corp uile na shúil,
cà háit [a mbiadh] an téisdeachd? dà
[mbíadh sé] uile na éisdeachd, cà háit a
mbíadh an boltanus?
18 Achd a nois do chuir Día na baill
sa gcorp, gach ball díobh fó léith, do
réir a thola féin.
19 Achd dà mbeidís uile na néunbhall,
cà háit [a mbiadh] an corp?
20 Gidheadh a nois [atàid síad] na
moràn ball, [biodh nach bhfuil] achd
énchorp amhàin.
21 Agus ní héidir ris an tsúil a ràdh
ris an làimh, Ní bhfuil feidhm agum
ort: nó a rís don cheand ris na cosaibh,
Ní bhfuil féidhm agum oraibhse.
22 Achd go mórmhór buill an chuirp,
ré ar cosmhuile bheith ró lag, atà feidhm
orrtha.
23 Agus is ar bhallaibh an chuirp
noch shaoilmid do bheith neamhonó-
rach, as mò chuirmid donóir: agus ar
na [ballaibh] as neimhdheisi aguinn, as
mô chuirmid do dheisi.
24 Oir ní bhi ar mbuill deasa ni a
riachdanus: achd do chomuisg Día
an corp ar a chéile, ar dtabhairt
na honóra as mó don chuid ó dtea-
daigh sí.
25 Ionnus nach biadh siosma sa
gcorp,

corp, achd go mbíadh an cúram céud-
na ag na ballaibh ar son a chéile.
26 Uime sin dá bhfuilngidh éunbhall,
comhfhuilngid na buill uile ; nó dá bhfa-
ghaidh éunbhall onóir, do níd na buill
uile gáirdeachas má ráon ris.
27 Agus as sibhse corp Chriosd, agus
baill fó leith.
28 Agus do órduigh Día dream áiri-
ghthe sa neagluis, ar tús absdail, na dhiáigh
sin fáidhe, an treas uáir luchd teaguisg:
a ris luchd míorbhuile do dhéunamh,
na dhiáigh sin luchd leighis, luchd co-
bhartha, luchd ríaghalta, [agus iomad]
do ghnéithibh teangthadh.
29 An bhfuilid uile na nabsdaluibh ?
an bhfuilid uile na bhfáidhibh, an bhfui-
lid uile na luchd teaguisg ?
30 An cumhachdach íad uile [ar
mhiorbhuilibh do dhéunamh ?] an bhfui-
lid tiodhlaice leighis aca uile ? an labh-
raid uile ré teangthuibh ? an ndéanuid
uile eidirmhíniughadh ?
31 Achd bíodh mían na subhailceadh
is fearr oraibh : agus foillseochaidh mé
slighe dhíbh ré mbéura sibh bárr.

CAIB. XIII.

Buaidh, & scathan na Carthanachda.

Giodh go laibhéoruinn ré teangthuibh
dháoine agus aingeal, agus gan
grádh ionnam, ní bhfuilim achd mar
phrás ag déunamh fuáime, nó mar
chimbal ag cluigineachd.
2 Agus bíodh go mbeith fáidheadói-
reachd agam, & go mbeith fios na nuile
rundíamhradh, & gach uile éolas agam :
agus bíodh go mbeith an creideamh uile
agam ar ghléus go bhféudfuinn fléibhte
athrughadh, agus mé bheith gan ghrádh,
ní bhfuil éifeachd ionnam.
3 Agus bíodh go gcaithfinn a bhfuil
agam ré bochdaibh do chothughadh,
agus go dtiubhruinn mo chorp féin da
losgadh, agus mé bheith gan grádh, ní
bhfuil tarbha dhamh ann.
4 Atá an grádh fadf hoighideach, deagh-
chroidheach: ní ghabhann an grádh
tnúth: ní dhéanann ní ar bith go neamh-
chóir: ní máoithmheach é.
5 Ní dhéanann ní ar bith ré tarcuisne:
ní iarrann sé na neithe bheanus ris féin :
ní sobhrosduighe é chum feirge: ní
smuáineann sé ar a nolc:
6 Ní dhéanann gáirdeachus sa néug-
córaidh, achd gabhuidh sé gáirdeachus
sa bhfírinne:
7 Fuilngidh sé na huile neithe: crei-
digh sé na huile neithe: bí muinighin
aige as na huile neithibh: iomchraidh
ris na huile neithibh.
8 Ní théid an grádh ar gcúl choidh-
che: bíodh go rachaidh fáidheadóir-
eachd ar gcúl, & go gcoisgfid na teang-
tha, agus go gcuirfighthear an téolas
ar gcúl.
9 Oir ní bhfuil [a nois] aguinn achd
gné éoluis, agus gné fáidheadóireachda.
10 Achd an tan thiucfus a ní iom-
lán, cuirfighthear an tansin a ní easbhui-
dheach ar gcúl.
11 An tan do bhí mé am náoidhean,
do labhair mé mar náoidhean, do thuig
mé mar náoidhean, as ciall náoidhin do
bhí agum : achd ar dteachd damh go
háois iomláin, do chuir mé na neithe
leanbuidhe ar gcúl.
12 Oir is radharc spéucláire dorcha atá
aguinn a nois, achd a maírsin [bíam] ar
aghaidh a chéile : a nois, atá gné aithne
agam, achd an tan sin aithéonad do réir
mar atá aithne oram.
13 Agus a nois fanaid na trí neithe-
si, creideamh, dóthchas agus grádh :
gidheadh a sé an grádh is mó dhíobh so.

CAIB. XIV.

Labhartha choitchionn na Heagluise ar na riaghlughadh.

LEanuidh an grádh, agus bíodh mían
na neitheann sbioradálta oraibh ;
achd go madh mó go ndéanadh sibh
fáidheadóireachd.
2 Oir an tí labhrus a dteanguidh
[choimhthighe] ní ré dáoinibh labhrus sé,
ach ré Día. Oir ní thuigeann éunduine
é : bíodh go labhrann sé ruindíamhradh
san Sbioruid.
3 Achd an tí do ní fáidheadóir-
eachd as ré dáoinibh labhrus sé chum
follamnuighthe, chum teaguisg, & chum
comhfhurtachda.
4 An tí labhrus a dteanguidh [choimh-
thighe] a sé féin fhollumnuigheas sé :
achd an tí do ní fáidheadóireachd,
follamnuighidh sé a neagluis.
5 Agus do b'fearr leam go labhradh
sibh uile ré teangthuibh, achd bá fonn-
mhaire leam ná sin, sibh do dhéunamh
fáidheadóireachda : oir is mó an tí do
ní fáidheadoireachd, ná an tí labhrus
ré teangthuibh, achd muna ccuiridh sé
a gceill íad, chum follamnuighthe dfa-
ghail don neagluis.
6 Agus á nois, a dhearbhráithreacha,
dá dtigidh mé chugaibh ag labhairt ré
teangthuibh, créud é an sochar do
dhéunad díbh, muna labhra mé ribh a
bhfoillsiughadh, nó a néolas, nó a bhfái-
dheadóireachd, nó a dteagusg ?
7 Tuilleadh eile fós, na neithe gan
anam do ní fuáim, mas píob, nó cláir-
seach, muna ndéarna síad eidirdhea-
lughadh ann a ngothuibh, cionnus do
geubhthar a fhios créud shinntear ar an
bpíob, nó ar an gcláirsigh ?
8 Mar an gcéudna má bheir an
trompa fuáim neimhchinnte úadh, cía
uillmhéochas é féin chum catha ?
9 As amhluidh sin sibhse, muna la-
bharthaoi bríathra sothuigsiona tres an
dteanguidh, cionnus aithéontar a ní la-
bharthar ? oir is sa a naiéur laibhéo-
rus sibh.
10 Atáid (do réir mar thárrla ann)
a noiread sin do ghnéithibh gothann
sa' domhan, agus ní bhfuil éunghuth
dhíobh gan chéill.

11 Uime sin muna dtuige mé brígh an ghotha, biáidh mé barbartha ag an tí labhrus, agus biáidh an tí labhrus barbartha agumsa.

12 As mar sin sibhse mar an gcéadna, do bhrígh go sanntuigheann sibh neithe sbioradálta, iarraidh bárr do bhreith chum follamnuighthe na heagluisi.

13 Uime sin an tí labhrus a dteanguidhe [choimhthighe] guidheadh sé go madh eidir leis ní éidirmhíniughadh.

14 Oir má ním urnuighe a dteanguidh [choimhthighe,] do ní mo sbiorad urnuighe: gidheadh atá mo thuigsi neamhthoruidheach.

15 Créud eile maseadh? do dhéuna mé urnuighe ris an Sbioruid, gidheadh do dhéana mé urnuighe ris a tuigsi mar an gcéudna: do dhéuna mé céol ris an Sbioruid, achd fós do dhéuna mé céol ris an tuigse.

16 Nó má bheir tú buidheachas ris an Spioruid, cionnus a déuruidh an tí atá a náit an túata, Amén, ré breith bhuidheachais duitsi, agus nach feas dó créud a deir tù?

17 Oir go deimhin as maith bheireas tusa buidheachas, gidheadh ní fhaghann neach eile a fhollamnughadh.

18 Beirim a bhuidhe rém Dhía gur mó labhruim do theangthuibh ná sibh uile.

19 Gidheadh do bfearr leam cúig focail maille rém thuigsi do labhairt sa neagluis, chum daóineadh eile do theaguisg mar an gcéudna, na deich míle focal a dteanguidh [choimhthighe.]

20 A dhearbhráithreacha, na bighidh bhur leanbuibh a dtuigsi: achd a dtáobh dhrochmhéine bighidh bhur leanbuibh, gidheadh a dtúigse bigidh foirfe.

21 Atá sgriobhtha sa reachd: Laibhéora mé ris an bpobalsa a dteangthuibh, agus a nurlabhra eile: agus mar sin fós ní chluinfid mé, a deir an Tighearna.

22 Uime sin, as mar chomhartha atáid na teangtha [coimhthigheacha,] ní don druing chreideas, ach don druing atá air dhíth creidimh: gidheadh ní don druing atá gan chreideamh [fhoghnus] faidheadóireachd, ach don druing chreideas.

23 Uime sin da gcruinnighe a neagluis uile a gceann a chéile, agus go laibhéoruid uile ré teangthuibh [coimhthigheacha,] agus go dtiucfuid túatadha nó dáoine ar dhíth creidimh a sdeach, a né nach aibéoruid siad Go bhfuil sibh air buile?

24 Gidheadh dá rabhuid uile ag faidheadóireachd, & duine gan chreideamh, nó túata do theachd a sdeach, sbreagthar úatha uile é, [agus] do níd uile breitheamhnus air.

25 Agus mar sin foillsighthear neithe folaigheacha a chroidhe, & amhluidh sin ar dtuitim ar a aghaidh dhò, do bhéura sé onóir do Dhia, ag foillsiughadh go bhfuil Dia eadruibhse go fírinneach.

26 Maseadh créd é sin, a dhearbh-ráithreacha? ar dteachd a gceann a chéile dhíbh, atá salm, atá teagusg, atá tea[illegible] guidh, atá foillsiughadh, atá míniugh[illegible] ag gach duine agaibh: déuntar na huile neithe chum follamnuighthe.

27 Dá labhruidh áonduine a dteang[illegible] [choimhthighe, labhradh] dias no trí[illegible] an chuid is mó dhe, agus sin a ndi[illegible] a chéile: agus déunadh áon éidirmíniughadh.

28 Achd muna mbiáidh fear éidirmíni[illegible] nighthe ann, bíodh sé na thochd [illegible] neagluis, agus labhradh ris féin agus ri[illegible] Día.

29 Agus labhradh dias nó triúr do na faidhibh, agus déunadh an chuid ele breitheamhnus.

30 Achd má ghéibh [faidh] [illegible] shuidheas na naice, taisbéunadh, bíodh an céudduine na thochd.

31 Oir is féidir libh uile fó le[illegible] faidheadoireachd do dhéunamh, ch[illegible] foghlama agus comhfhurtachda dfa[illegible] díbh uile.

32 Agus atáid Sbiorada na bhfáidh-eadh, umhal do na faidhibh.

33 Oir ní hé Día [ughdar] na b[illegible] dheartha, achd na síothchana, mar (a léir) a nuile eagluisibh na náomh.

34 Bíodh bhur mná na dtochd sna heagluisibh: óir ní ceaduigheach dhóibh labhairt, achd a bheith umhal, amh[illegible] a deir an reachd mar an gcéudna.

35 Agus dá raibh fonn éinneith[illegible] dfoghluim orrtha, fiafruighidís a f[illegible] dhá bhfearraibh (é,) óir as nár do mhnaói labhairt sa neagluis.

36 An uaibhse tháinic bríathar Dé? nó an chugaibhse amháin ráinic sí?

37 Más dóigh ré héinneach gur faidh, nó [duine] sbioradálta é féin, bíodh a fhios aige na neithe sgríobhuimse chu-guibh, gur ab íad aitheanta an Tighearna íad.

38 Achd an tí atá ainbhfeasach, bíodh ainbhfeasach.

39 Uime sin, a dhearbhráithre, bíodh ro fhonn oruibh faidheadóireachd do dhéunamh, agus ná cuiridh toirmeasg fá labhairt ré teangthuibh.

40 Déuntar na huile neithe go deaghmhaiseach, agus do réir orduighe.

CAIB. XV.

Dearbhadh na Heiseirghe, 35 & samhuil na ccorp do bhias ag na dao[illegible]nibh.

TUilleadh eile, a dhearbhráithre, atáim ag foillsiughadh an tsoisgéil dhíbh, noch do sheanmóir mé dhíbh [cheana,] noch do ghabhabhair chugaibh, agus ann a seasbhuighe mar an gcéudna?

2 [Agus tré a slánaighthear sibh fós, dá gcongmhuidh sibh an bhríathar so-nar sheanmóir mé dhíbb [é:] munar chreideabhair go díomhaóin.

3 Oír tug mé dhíbh ar tús an ní fuáir mé mar an gcéadna, eadhon go bhfuair

fhuáir Críosd bás ar son ar bpeacaidh-
ibh, do réir na sgriobtúr :
4 Agus gur hadhlaiceadh é, & gur
éiridh sé an treas lá do réir na sgriob-
túr :
5 Agus go bhfacas é ré Céphas,
agus na dhiáigh sin ris an dá fhear
dhéag.
6 Ná dhiáigh sin fuáir ós cionn chuig
céud dearbhráthair radharc air a naóin-
fheachd : agá bhfuil a lán díobh na
mbeathaidh gus a nois, agus dream eile
na gcodladh.
7 Na diáigh sin do chonnairc Séumus
é, a ris na habsduil uile.
8 Agus na ndiáigh uile, do chonn-
airc misi féin é, mar neach rugadh a
nanamm.
9 Oir as mé as lugha do na hab-
sdaluibh, & ní fiu mé absdal do ghairm
dhíom, do bhrígh go ráibh mé ag
ginleanmhuin eagluisi Dé.
10 Achd tré ghrás Dé atáim mar
atáim : agus ní raibh a ghrásasan [do
tiodhlaiceadh] dhamh, gan bhrígh ; óir
is mó an saothar do rinne mé ná iadsan
uile : biodh nach misi fós, achd grás
Dé maille riom.
11 Uime sin giodh bé dhínn, misi nó
iadsan, as amhluidh so do nímid sean-
móir, agus as amhluidh so do chrei-
deabhairsi.
12 Agus má nithear Críosd a shean-
móir, gur éiridh sé ó mharbhuibh, Cion-
nus a deir cuid aguibhse nach bhfuil
eiséirghe na marbh ann ?
13 Oir muna bhfuil eiséirghe na marbh
ann, níor éiridh Críosd fós.
14 Agus munar éiridh Críosd, go
deimhin as diomhaóineach ar seanmóir-
ne, agus as diomhaóineach bhur gcrei-
deamhsa mar an gcéudna.
15 Agus geibhthear sinne fós ar bhfin-
né bréige ar Dhía : óir do rinneamar
fiadhnuisi do tháobh Dé, gur dhúisigh
sé Críosd [ó mharbhuibh :] an tí nár
dhúisigh sé, muna neiséirghid na mairbh.
16 Oir muna néirghid na mairbh,
níor éiridh Críosd féin fós.
17 Agus munar éiridh Críosd, as dío-
mhaóin bhur gcreideamhsa: atá sibh
fós ann bhur bpeacadhaibh.
18 Agus mar sin an mhéid do cho-
dail a Gcríosd, atáid ar ndul amugha.
19 Más sa mbeathasa amháin atá dóth-
chas aguinn as Críosd, as sinn is mó
do dhíol truáighe do na huile dhaoínibh.
20 Achd a nois do eiséirghidh Críosd
ó mharbhuibh : do rinneadh céudthor-
adh na druinge do bhí na gcodladh dhe.
21 Oir do bhrígh gur tré dhuine [thái-
nic] an bás, as tré dhuine mar an gcéud-
na [thig] eiléirghe na marbh.
22 Oir amhuil mar gheibhid na huile
dhaóine bás a Nádham, as mar an gcéud-
na do dhéuntar iad uile daithbhéodhugh-
adh a Gcríosd.
23 Gidheadh gach áon ann a ordu-
ghadh féin : Críosd an céud thoradh,
na dhiáighsin, an luchd bheanus ré
Críosd, agá theachd :
24 Ann sin bhías an chríoch dhei-
gheanach, ar dtabhairt na ríoghachda
súas dó a láimh Dhé athar : an tan
chuireas sé ar gcúl gach uile úachdará-
nachd, agus gach uile chumhachd, agus
gach uile neart.
25 Oir as éigean dó bheith na Rí
nó go gcuiridh sé a naimhde uile faói
na chosaibh.
26 A sé an bás an námhuid dhei-
gheanach, sgriosdar.
27 Oir do chuir sé na huile neithe
faói na chosaibh : Gidheadh an tan a
deir sé gur cuireadh na huile neithe
faói, as follus nach beanann an rádh so
ris an tí do chuir na huile neithe faói.
28 Agus an tan chuirfidhthear na
huile neithe faói, biáidh an mac féin ann
sin faói an tí do chuir na huile neithe
faói, chum Dé do bheith na uile sna
huilibh.
29 Nó créud dhéunus an dream atá
ar na mbaisdeadh air son na marbh?
muna neirghid na mairbh air éunchor,
créud fá mbaisdear iad air son na marbh?
30 Créud fá bhfuilmídne fós a nguáis
gach uile uáir?
31 Dar bhur ngáirdeachusa noch atá
agumsa a Níosa Críosd ar Dtighearna,
do gheibhim bás gach laói.
32 Más do réir nóis dáonna do chomh-
ruic mé ré hainmhidhibh a Nephesus,
créud é an tarbha a dtéid sé dhamh,
muna néirghid na mairbh? Itheam, agus
ibheam : óir do ghéubham bás a márach.
33 Ná meallltar sibh : Truáillidh droch
chomhráite béusa maithe.
34 Músgluidh chum fíreuntachda, agus
na déunaidh peacadh : óir ní bhfuil eo-
lus Dé ag cuid [aguibh :] as chum adh-
náire do chur oraibh a deirim so.
35 Achd a déuraidh neach éigin ; Cion-
nus éirghid na mairbh? agus créud é
samhail an chuirp ann a dtigid siad ?
36 O a dhuine mhichéillidh, an síol
chuireas tusa, ní bhéodhthuighear é, mu-
na bhfaghuidh sé bás air tús.
37 Agus a ní shíolchuireas tú, ní hé
an corp bhías, do shíolchuireas tú, ach
grán lom, eadhon, cruithneachda, nó
d'arbhar éigin eile.
38 Ach do bheir Dia corp dhó do
réir a thola féin, agus dá gach uile shíol
a chorp féin fó leith.
39 Ní háon fheóil amháin gach uile
fheóil, achd atá feóil ar leith ag dáoi-
nibh, agus feóil ar leith ag ainmhitibh,
agus feóil ar leith ag iasguibh, agus
feóil ar leith ag éunlaith.
40 Agus [atáid] cuirp neamhdha[ann,]
agus cuirp thalmhuidhe : gidheadh atá
glóir ar leith ag na [corpuibh] neamh-
dha, agus glóir ar leith ag na [cor-
puibh] talmhuidhe.
41 Atá glóir ar leith ag an

ngréin, agus glóir ar leith ag an ngea-
luidh, agus glóir ar leith ag na réul-
tuibh: óir atá dithfir ghlóire eidir
réult, agus réult [eile.]
42 As mar an gcédna [bhías] eiséirghe
na marbh. Bí an corp truáillighe agá
chur, [agus] éirghidh sé neamhthruail-
lidh.
43 As neamhonòrach é agá chur, [&]
éirghidh sé maille ré glóir: bí gan
neart agá chur, [agus] éirghidh sé
maille ré neart: bí sé na chorp nadùr-
tha agá chur, [agus] éirghidh sé na
chorp sbioradálta.
44 Atá corp nádúrtha ann, & corp
sbioradálta.
45 Amhuil fós atá sgriobhtha: Do
rinneadh an céuduine Adhamh na an-
am béo: an Tádhamh deigheanach na
Spiorad bheódha:
46 Gidheadh ní hé an ní sbioradálta
do bhí air tús, achd an ní nadúrtha:
na dhiáigh sin an ní sbioradálta.
47 An céudduine talmhuidhe, ón
dtalamh: an dara duine, an Tighearna
ó neamh.
48 Mar atá an duine talmhuidhe,
as mar sin atáid an drung thalmhui-
dhe: agus amhuil [atá] an neach
neamhdha, as amhluidh sin [atáid] an
drung neamhdha.
49 Agus amhuil do iomchramar
iomháigh an duine thalmhuidhe, iom-
chóram fós iomháigh an duine neamh-
dha.
50 Ag so an ní a deirim, a dhear-
bhráithre, do bhrígh nach féidir ré
feóil & ré fuil oighreachd ríoghachda
Dé dfaghail: ná ré truáilleadh bheith
na oighre ar neamhthruáilleadh.
51 Féach, as ní dorcha labhruim ribh,
ní choideólam uile, ach cuirfighthear a
naithearrach crotha sinn uile, a mó-
meint, ré filleadh na súl, ré [guth] an
sduic dheigheanaigh.
52 Oir séidfidh an sdoc, & dúiseo-
char na mairbh, neamhthruáillighe, &
cuirfighthear sinne a naithearrach cro-
tha.
53 Oir as éigean don ní truáillighesi,
neamhthruáilleadh do ghabháil uime, &
don ní shomharbhthasa, neamhmarbh-
thachd do ghabháil uime.
54 Agus an tan ghéubhus a ní truáil-
lighesi, neamhthruáilleadh uime, agus
a ní somharbhthasa, neamhmarbhthachd
uime, biáidh an tan sin an bhriathar
atá sgriobhtha ar na coimhlíonadh;
Do sluigeadh an bás a mbuáidh.
55 O, a bháis, gá háit a bhfuil do
cháilg? ó a uáimh, gá háit a bhfuil
do bhuáidh?
56 A sé an peacadh cáilg an bháis:
& a sé an reachd neart an pheacaidh.
57 Gidheadh a bhuidhe ré Día, do
bheir dhúinn buáidh do bhreith tré ar
Dtighearna Jósa Críosd.
58 Uime sin, a dhearbhraithre grá-
dhacha, bighidh comhnuigheach, neamh-
chorrach, ag méudughadh do shíor a nob-
bair an Tighearna, ar mbeith a fios
aguibh nach díomháoin bhur saothar
sa Dtighearna.

C A I B. XVI.

Tar eis brosdughadh chum daonnachd, is
chuir se beatha & slainte chum na mbrá-
thar.

TUilleadh eile a dtáobh an chru-
nighe sa chomhair na náomh, do
réir mar do órduigh mé deaglaisibh na
Galátia, déunaidhsi fós mar an gcédna.
2 Gach éun chéud [lá] don tseachd-
mhuin cuireadh gach áon aguibh ar
leith leis féin do réir mar as áill leis:
ionnus nach bláidh tionól ré dhéunamh
ar dteachd dámhsa.
3 Agus ar dteachd damh, gidh bé ar
bith dream mholfas sibhse ré bhur lit-
reachuibh cuirfidh mé iad do bhreith
bhur ccarthannachd go Hiarusalém.
4 Agus más iomchubhaidh fós mé
féin imtheachd, rachuid siadsa am
chuideachda.
5 Agus géubhuidh mé chugaibhsi, tar
éis mé dhul tré Mhácedónia: (Oir ga-
bhuidh mé tré Mhacedónia.)
6 Agus dob éidir go bhfanfuinn, ar
fós go ccaithfinn an geimhreadh bhur
bhfochairsi, ionnus go rachadh sibh tam
do shlighe leam, gidh bé áit a rachuin
mé.
7 Oir ní mían ríom dul bhur bhfo-
chain a nois don dulsa: gidheadh atá
súil agum fuireach bhur bfochair sealad
tamuill, do chead an Tighearna.
8 Agus do dhéuna mé comhnuidhe a
Nephesus go cingcis.
9 Oir do hosgladh dorus mór éifeach-
ach dhamh, agus naimhde iomdha.
10 Agus dá dtigidh Timotéus, tugaidh
aire ribh go mbiáidh sé gan eagla bhur
bhfochair: óir saothruidhe sé a nobair
an Tighearna, amhuil do nímse.
11 Uime sin ná tugadh éandume
neimhchion air: ach tréoruidhe sibh a
síothcháin é, chum teachd chugamsa dhé,
óir atá súil agum ris maille ris na dear-
bhraithribh.
12 Agus a dtáobh ar ndearbhráthar
Apollós, do shir mé go dithchealláchd ar,
teachd chugaibhse maille ris na dearbh-
ráithribh, ach ní raibh a áigneadh ar
éanchor ré theachd a nuáirse: gidheadh
tiucfuidh sé an tan ghéubhus sé am ion-
chubhaidh.
13 Déunaidh faire, seasaidh sa gcrei-
deamh, bighidh fearrgha, bighidh láidir.
14 Déanaidh na huile neithe maille
ré grádh.
15 Agus íarruim dathchuinghe oruibh,
a dhearbhráithre, (ós aithnidh dhibh
muinntir thighe Steapháin, gurab iad
céadthoradh na Hachaía, agus go dtu-
gadar iad féin do dhéanamh minist-
rálachd do na náomhuibh.)
16 Bighidhse fós umhal da léithid
sin,

ſin, & dá gach àon do ní obair & ſáothar
maille rinn.
17 Agus atá lúathgháire oram tré
theachd Steapháin, agus Fhortunátuis,
& Achaicuis, do bhrígh go ndearnadar
bhur nionadhſa dhamh.
18 Oír tugadar furtachd dom sbio-
raidſe, agus do bhur sbioruidſi. Uime
ſin bíodh meas aguibh ar a ſamhuil ſin.
19 Cuirid eagluiſidhe na Háſia beatha
agus ſláinte chugaibh. Cuiridh Acuilas,
agus Priſcilla maille ris a neagluis atá
ann a dtigh, beatha agus ſláinte go dú-
thrachtach ſa Dtighearna chugaibh.
20 Cuirid na dearbhraithre uile beatha
agus ſláinte chugaibh. Teannuidh féin
ré chéile maille ré póig náomhtha.
21 Beatha agus ſláinte uáimſe Pól
ré mo láimh féin (chugaibh.)
22 Gidh bé nach grádhuigheann an
Tighearna Jóſa Críoſd, bíodh ſé malluighe
go ſíorruidhe.
23 Gráſa ar Tighearna Jóſa Críoſd
maille ribh.
24 Mo ghrádhſa maille ribh uile a
Nioſa Críoſd. Amén.

DARA EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA CCORINTHIANACH.

CAIB. I.

Nach bhfuil tríobloid ar bith gan cháil ſólais leis ;

POL Abſdál Jóſa Críoſd, tré thoil Dé,
agus an dearbhráthair Timotéus,
chum eagluiſi Dé noch atá a Gcorintus,
maille ris na huile náomhuibh atá ar
feadh na Hachaia ;
2 Gráſa maille ribh, agus ſíothchain
ó Dhía ar nathair, agus ón Dtighearna
Jóſa Críoſd.
3 Glóir agus moladh do Dhía, eadhon,
athair ar Dtighearna Jóſa Críoſd, athair
na trócaire, agus Día na huile fhur-
tachda :
4 Do bheir furtachd dúinn ann ar
uile thriublóid : ionnus go dtiucſadh
dhinn comhfhurtachd do thabhairt don
dhruing ar a mbí buáidhreadh ar bhith,
trés an gcomhfhurtachd ré a bhfagh-
maóid féin furtachd ó Dhía.
5 Oír amhuil mar líonus páis Chríoſd
ionnuinn : as amhluidh ſin líonus ar
bhfurtachd mar an gcéadna tré Chríoſd.
6 Agus más buaidhirt dúinn, ar
ſon bhur gcomhfhurtachdaſa, agus bhur
ſlánuighe : nó más furtachd duinn, ar
ſon bhur gcomhfhurtachdaſa agus bhur
ſlánuighe, oibrighthear ionnuibh a bhfu-
lang a namhghair chéudna fhuilnge-
mid féin.
7 Atá muinighin dhaingean aguinn
asuibhſi : do bhrígh go bhfuil a fhios
aguinn, mar do gheibh ſibh bhur gcuid
don nanſhógh, go bhfuighe ſibh bhur
gcuid don tſógh mar an gcéudna.
8 Oír ní háill linn ainbhfeas do bheith
oruibh, a dhearbhráithre, a dtáobh na
buáidheartha thárrla dhúinn ſa Náſia,
eadhon, gur brughadh tar mhogh ſinn
ós cionn ar neirt, ionnus go raibh amh-
aras aguinn fós air a bheith béo.
9 Ach do bhreathnuigheamar ion-
nainn féin go rabhamar ſa bhreith an
bháis, ionnus nach aſuinn féin do bhíadh
muinighin aguinn, achd as Día dhúi-
ſigheas na mairbh ;
10 Noch do ſháor ſinn ó na chomhór
ſin do bhás, agus ſháorus [ſinn :] as a
bhfuil ar ndóigh go ſáorfuidhe ſé ſinn
fós mar an gcéudna.
11 Ar mbeith dhíbhſe ag comhchung-
namh ré chéile a núrnuighe air ar
ſon, ionnus go ttiubhradh mórán buí-
dheachus air ar ſoinne, do bhrigh an
tiodhlaice [fúaramar] air ſon mhóráin.
12 Oír a ſé ſo ar ngáirdeachaiſne,
Fíadhnuiſi ar ccoinnſiáis, gur a neamhur-
chóid agus á bhfíorghloine dhíadha, &
nach a ngliocas colluidhe, ach maille
ré grás Dé, do bhí ar gcoinbhearſaid
ſa ſáoghal, agus go mórmhór ead-
ruibhſi.
13 Oír ní neithe eile ſgríobhamaóid
chugaibh, ach na neithe léigheas ſibh,
nó fós agá bhfuil a bhfios dearbhtha
aguibh : agus atá ſúil agam go mbiáidh
ſibh deimhneach aſda go dteachd don
chrích dhéigheanuidh.
14 Amhuil do admhuigh ſibh a gcáil,
Gur ſinne bhur ngáirdeachas, mar as
ſibhſe ar ngáirdeachaiſne, a ló an Ti-
ghearna Jóſa.
15 Agus ris an dóthchaſſa bá mían
riom teachd chugaibh roimhe ſo, ionnus
go bhfuigheadh ſibh gráſa dúbalta :
16 Agus gabháil uaibhſe go Macedó-
nia, agus teachd a rís ó Mhacedónia
chugaibh, agus ſibhſe do theachd riom
dom ſhéoladh go tír Júdaighe.
17 Uime ſin ar na cur ſo romham
dhamh, an raibh éadruime oram ? nó
an do réir na féola chuirim romham
na neithe chuirim romham, ionnus go
mbíadh aſeadh, agus ní headh agum ?
18 Achd mar atá Día fírinneach,
níor bhé ar ccomhrádh ribhſe, aſeadh,
agus ní headh.
19 Oír mac Dé Jóſa Críoſd, noch
do rinneamairne ſheanmóir eadruibhſe,
miſi agus Silbhánus, agus Timóteus, níor
bhá aſeadh, agus ní headh é, achd a
ſeadh do bhí annſan.
20 Oír geallamhna Dé go huilidhe,
A ſeadh

a ſeadh annſan iad, agus Amén annſan
chum glóire Dé dhar dtáoibhne.
21 Agus [a ſé] Día dhaingnigheas
ſinne maille ribhſe a Gcríoſd, agus do
ung ſinn.
22 Noch fós do chuir ſéula oruinn,
agus tug comhartha daingnighthe na
Sbioruide ann ar gcroidhthibh.
23 Agus goirim Día dſiadhnuiſi a
naghuidh mhanma, gur do ghabháil
aguibhſe, nach dtáinic mé fós go Co-
rintus.
24 Ní hé gur Tighearnuidhe ſinn ar
bhur gcreideamhſa, achd luchd cun-
gnanta ſinn do bhur ngáirdeachas: Oir
is tré chreideamh ſheaſus ſibh.

CAIB. II.

Maitheamhnas & meiſneach thabhairt do nduine choluigheach, déis a aithreachas.

ACH do ſmuáin mé ſo riom féin,
gan teachd a rís chugaibh a ndoil-
gheas.
2 Oir má chuirimſe doilgheas oraibh-
ſe, cia hé chuireas ſólás oram féin,
achd an tí atá fá dhoilgheas dom
tháobh?
3 Agus as chuige do ſgríobh mé a
ní ſo féin chugaibh, deagla ar dteachd
dhamh, go ngeubhadh doilgheas air muin
doilghis mé fán muinntir, agár chóir
dhamh gáirdeachas do bheith oram
dhá dtáobh: ar mbeith dhamh mui-
nighineach aſaibh uile, gur ab é mo
gháirdeachaſa, bhur ngáirdeachaſa uile.
4 Oir is as buáidhirt mhóir, agus as
doilgheas croidhe do ſgríobh mé chu-
gaibh maille ré hiomad déur: ní chum
doilgheaſa do chur oraibh, ach chum
go dtuigſeadh ſibh an grádh ro lion-
mhar atá agam dhíbh.
5 Ach má tháinic doilgheas do
tháobh éunduine, níor chuir ſé doilgheas
oramſa achd a gcáilibh, ionnus nach
gcuirfinn ro úalach oruibhſe uile.
6 Is lór dhá leitheid ſin do dhuine,
an timdhearghadh [fuáir ſé] ó mhó-
rán.
7 Ionnus [a nois] contrárrdha dhó
ſin, gur córa dhíbh maitheamhnus do
thabhairt [dó,] agus ſólás do chur air,
deagla go ſluigfidhe ſúas é lé hiomar-
cuidh doilghis.
8 Uime ſin iarruim dathchuinghe
oruibh, bhur ngrádh do dhaingniugh-
adh dhá tháobh.
9 Oir as chuige ſo fós do ſgríobh mé,
chum go mbíadh fios dearbhtha agum
oraibhſe, an mbíadh ſibh umhal ſna
huile neithibh.
10 Agus gidh bé dhá dtug ſibhſe
maitheamhnus áoinneithe, do bheirimſe
mar an gcéadna: óir má thug miſi mai-
theamhnus a neinní uáim, gidh bé dhá
dtug mé an maitheamhnus, is ar bhur
ſonſa [tug mé uáim é,] a bhfíadhnuiſi
Chríoſd, deagla Shátan do bhreith
buáidhe oruinn ré na ghliocas:
11 Oir ní bhfuil ainbhfios a ſhligh-
theadhſan oruinn.
12 Tuilleadh eile, ar dteachd damh
go Tróas, air ſon ſhoiſgéil Chríoſd,
bíodh gur hoſgladh doras damh ón
Dtighearna, ní bhfuáir mé ſuáimhneas
dom sbioruid, do bhrígh nach dtárla
dhamh mo dhearbhráthair Titus.
13 Achd ar ngabháil mo cheada ac-
ſan damh, do imthigh mé úatha go
Macedónia.
14 Agus a bhuidhe ré Dia, do bheir
ſá deara dhúinn buáidh do bhreith
a gcomhnuidhe a Gcríoſd; agus ſhoill-
ſigheas baladh a éolais féin thrídne ſa
nuile áit.
15 Oir is ſinn deaghbhaladh Chríoſd
do Dhía, ſa druing ſhlánuighthear, agus
ſa druing dhamnuighthear.
16 Do dhruing dhíobh, [atámuid] ar
mbaladh báis, chum báis: agus don
druing eile, ar mbaladh beatha, chum
beatha: agus cía atá acfuinneach chum
na neitheannſa?
17 Oir ní bhfuilmídne mar mhórán
do thruáilligheas bríathar Dé: achd le
bhrámaóid ar Chríoſd, amhuil ó ſhior-
ghloine, nó amhuil ó Dhía, a bhfíadh-
nuiſi Dé.

CAIB. III.

Gurab rogha miniſdir Shoiſgeil sboillier na ſaoirſe, ar mhiniſdir an reachda ſcáildhe, do bheir damnadh.

AN dtionnſgnamaóid a rís ſinn féin
do mholadh? nó an bhfuil riachd-
anus aguinn mar [atá] ag druing áiri-
ghe, re litreacha molta chugaibhſe, nó
litreacha molta uáibh?
2 A ſí ar liteirne ſibhſi ſgríobhtha
ionar gcroidhthibh, thuigthear & léigh-
thear ris na huile dhaóinibh:
3 Ar mbeith follus gur ſibh eipiſdil
Chríoſd, do ſríotholadh rinne, ar na
ſgríobhadh, ní ré dubh, ach ré Sbioruid
Dé bhí: ní a gclàruibh cloiche, achd
a gcláruibh féolmhara an chroidhe.
4 Agus atá a leitheid ſo do dhóth-
chas aguinn tré Chríoſd, a Ndía.
5 Ní hé go bhfuilmíd cumaſach ar
áoinní ſmuáineadh uáinn féin, mar uáinn
féin: achd is ó Dhía atá ar gcumas:
6 Noch fós do rinne miniſdri iom-
chubhaidh dhínn don tiomna núadh,
ní don litir, ach don Sbioruid: óir
marbhuidh an litir, ach do bheir an
Sbiorad beatha.
7 Agus má bhí minioſdrálachd an
bháis a litribh, ar na tharruing a gclo-
chaibh, glórmhar, ionnas nar bhféidir
ré clannuibh Iſráel féucháin go gér air
aghaidh Mháoiſi, tre dheallruigh a ghnúi-
ſi, noch do cuireadh ar gcúl:
8 Cionnus nach biáidh minioſdrálachd
na Sbioruide ní ſa ghlórmhuire?

9 Oír má [bhí] miniosdrálachd an
...nuighthe glórmhar, as ro mhó ná
... bheireas miniosdrálachd na fíréan-
...chda bárr a nglóir.
10 Oír a ni úd do rinneadh glórmhar,
... dhearnadh glórmhar é ſa chás ſo, a
...árradh na glóire is áirde.
11 Oír má [bhí] an ní ſin curthar ar
... glórmhar, as ro mhó ná ſin [atá] an
... comhnuightheach glórmhar.
12 Uime ſin, ar mbeith dhá ſamhuil
... do mhuinighin aguinn, chleachdmaóid
...achd mhór.
13 Agus ní [bhfuilmíd] mar Mhaóiſi,
... fholuidh a aghuidh, ionnus nach
...échfadaóis clanna Iſraél go grinn air
...ch a neithe churthar ar gcúl.
14 Uime ſin do dalladh a ninntinn:
... gus a niugh a léughthóireachd na
...comhna ſanuidh an folach céadna gan
...ghadh, noch curthar ar gcúl ré
...íoſd.
15 Ach fós gus a niugh an tan léigh-
... Maóiſi, curthar an folach ar a
...oidhthibh.
16 Gidheadh an tan fhillſid ſìad
... an Tighearna, toigéubhthar an
...ch [úatha.]
17 Achd as Sbiórad an Tighearna:
... gidh bé hionadh ann a bhfuil
...órad an Tighearna, [atá] ſaoirſe
... ionadh ſin.
18 Agus ar mbeith dhúinn uile gan
...ch air ar nadhuigh ag féuchuinn
...óire an Tighearna[amhuil do bhíadh]
... ſgathán, curthar a naithearrach crotha
... ſa níomháigh chéudna ſin, ó ghlóir
... glóir, ré Sbioruid an Tighearna.

C A I B. IV.

... foillſer an fhírinne do nti is dill,
7 ... gur mo combfhurtacht no cumh-
...ch an chreidimh.

AR a nadhbharſin ar mbeith don
mhiniosdrálachdſa aguinn, do réir
... ſuaramar trócaire, ní theighmid
... nanbhfuinne:
2 Ach do thréigeamar na neithe folai-
...each an mhíomhacántuis, ní ag ſiubhal
... ceilg, ná ag truáilleadh bhréithre
...: ach maille ré foillſiughadh na fí-
... do nímid ſinn féin ionmholta
... gach áon, a bhfíadhnuiſi Dé.
3 Uime ſin má atá ar ſoiſgéulne ar
... fholach, is ar an druing théid
...gha atá ſé ar na fholach:
4 Agár dhall día an tſaoghailſe a ninn-
..., noch atá ar dhíth creidimh, ion-
... nach biadh ſoillſe fhoiſgéil ghlór-
...air Chríoſd, noch is íomháigh Dé, ag
...ughadh dhóibh.
5 Oír ní ſinn féin do nímid do ſhean-
..., achd Ióſa Críoſd an Tighearna:
... ſinn féin do bheith dhaóibhſe ar
...bhfhoghantuighibh, ar ſon Ióſa.
6 Oír a ſé an Día do aithin don
... ſoillſiughadh as an dorchadus, do
...aluidh ann ar gcroidhibhne, chum
... eolais ghlóire Dé [do thabhairt
uainn] a ngnúis Ióſa Críoſd.
7 Gidheadh atá an tionnmhus ſo aguinn
a ſoithighibh críadh, chum oirdhear-
cuis an chumhachd ſin do bheith ó Dhía,
agus ní uainn féin:
8 [Bímid] dar mbuáidhreadh ar gach
táobh, gé nach ccurthar a gcumhgach
ſinn: [bímid] a gconntabhairt, gé nach
dtéid ſinn a néudóchas:
9 Bí gérleanmhuin dá déunamh oruinn,
gidheadh ní tréigthear ſinn: teilgthear
ſíos ſinn, gidheadh ní théighmid amugha.
10 Iomchramaóid ann ar ccorp ſa
geuáirt ſna huile áitibh, bás an Tighear-
na Ióſa, ionnus go mbeith beatha Ióſa
mar an gcéudna ſollus ann ar gcorp.
11 Oír ſinne atá béo, bimid do ſhíor
dar ccur chum báis ar ſon Ióſa, ionnus
go mbeith beatha Ióſa ſollus mar an
gcéudna, ann ar bhfeóil ſhómharbhtha.
12 Uime ſin bí an bás ag oibriugh-
adh ionnuinne, agus an bheatha ion-
nuibhſi.
13 Agus do bhrígh gur ab áon chrei-
deamh atá aguinn, do réir a neithe atá
ſgríobhtha: Do chréid mé, [agus] ar a
nadhbharſin do labhair mé: creidmidne
fós, agus ar a nadhbharſin labhramaóid
mar an gcéudna.
14 Ar mbeith a fhios aguinn, an tí
do thóg ſúas an Tighearna Ióſa, go
dtoigéubhaidh ſé ſinne mar an gcéadna
tré Ióſa, agus go dtiubhra ſé ſinn bhur
lathairſe.
15 Oír is ar bhur ſonſa [atáid] na
huile neitheſi, ionnus go líonfadh an
grás ro líonmharſa chum glóire Dé,
tré bhreith buidheachais mhórain.
16 Uime ſin ní bhfuilmíd ag dul a
nanbhfuinne: ach bíodh go dtruáilligh-
thear ar nduine leithimealach, athnúa-
dhaighthear fós an tí atá don táobh a
ſtigh go laethamhuil.
17 Oír oibrighidh ar mbuáidhirt éud-
rom neambúan, truime mharthanach
ghlóire go ro líonmhar, dhúinn:
18 Ar mbeith dhúinn ag tabhairt ar
naire do na neithibh nach bhfuil ré a
bhfaicſin: Oír is neambúan na neithe
atá ré a bhfaicſin: agus is ſíorruidhe
na neithe nach bhfaicthear.

C A I B. V.

Go ttabhraid, croidhe glan ó ammhianaibh, & beatha núa, ni is foigſe do Chríoſd ſinn.

OIR atá a fhios aguinn dá ſgaóil-
tear ó chéile ar dtigh talmhuidhe
na boitheſi, go bhfuil áitreabh aguinn
ó Dhía, tigh nar tógbhadh ré lamhuibh,
marthanach air neamh.
2 Oír atámuid ag óſnaigh ann ſo,
ag íarruidh maille ré míanghus ar dtigh
neamhdha féin do chur iomuinn.
3 Achd amháin go bhfaghthar éu-
duighthe ſinn, agus ní lomnochd.
4 Oír bímidne luchd na boitheſi ag
oſnaighe, ar mbeith úaluidh oruinn: ar
nach

nach mían rinn beith gan éudach,
ach tuilleadh éuduigh do chur iomuinn,
ionnus go fluigfidhe súas an ni so-
mharbhtha ré beatha.
5 Agus [a sé] Día do chruthuigh
sinn chuige so, agus fós tug dhúinn co-
mhartha daingnighthe na Sbioruide.
6 Uime sin atámuid deighmheisnigh
a gcomhnuidhe, agus a fhios aguinn an
feadh bhiam coigcríche sa gcoluinn,
go bhfuilmíd a dtír choimhthighe ó an
Dtighearna:
7 (Oir as do réir chreidimh shiubhla-
maoid, agus ní do réir radhairc.)
8 Gidheadh atá deighmheisneach
aguinn, agus is mó thig ré ar nintinn
an cholann dfágbháil, agus dul do
chomhnuidhe a bhfochair an Tighearna.
9 Uime sin fós cía bé aca bhiam
ag fuireach, ná ag imtheachd, is ro-
fhonnmhar sinn air a thoilsean do
dhéanamh.
10 Oir as éigean dúinn uile dul a la-
thair chaithire bhreitheamhnuis Chríosd,
ionnus go ngéubhadh gach éunduine
chuige na neithe [do rinne sé] sa
gcoluinn, do réir an ghníomha do rinne
sé, maith nó olc.
11 Uime sin ar mbeith feasach dháinn
air bhuirbe an Tighearna, táirngéamaóid
daóine [chum creidmhe,] agus as follus
do Dhía sinn: agus atá dóigh agam
go bhfuilmid follas do bhur ccoinn-
siasuibhse mar an gcéudna.
12 Oir ní bhfuilmid a rís dar mo-
ladh féin ribhse, ach do bheirmid fáth
gáirdeachais díbh dhár dtáobh: ionnus
go mbiadh freagra aguibh ré thabhairt
ar an druing do ní gáirdeachas
a ngnúis, agus ní a gcroidhe.
13 Oir má atámuid ar saóbh chéille,
is do Dhía [atámuid ar saóbh céille:]
nó más deaghchiall atá aguinn, is
daóibhse atámuid [ar deaghchéill.]
14 Oir atá grádh Chríosd dár
mbrosdughadh; ar na bhreathnughadh
so dhúinn, [eadhon] má fuáir éunduine
bás ar son na nuile, go bhfúaradar
uile bás.
15 Agus go bhfuáir seisean bás ar
son na nuile, ionnus nach bíadh an
dream atá béo, ó so amach béo dhóibh
féin, ach don ti fuáir bás ar a son,
agus do eiséirghe.
16 Uime sin ní haithne dhúinne ó
só amach éunduine do réir na féola:
agus biodh go raibh aithne aguinn ar
Chríosd do réir na féola, gidheadh ní
haithne dhúinn a nois feasda é.
17 Ar a nadhbharsin má atá éun-
duine a Gcríosd, is créutúr núadh [é:]
do imthigheadar na seinneithe tho-
ruinn, féuch, do rinneadh na huile
neithe núadh.
18 Agus as ó Dhía atáid uile, noch
do réidhigh sinne ris féin tré Iósa
Críosd, agus tug dháinne miniosdrálachd
an réitigh sin;
19 Oir go deimhin do bhí Día a
Gcríosd, ag réiteach an tsaoghuil ris
féin, gan conntus do dhéunamh ría a
na gcionntuibh, agus do chuir sé ion-
nuinne briathar an réitigh sin.
20 Uime sin is teachdaireadha sinn
as uchd Chríosd, amhuil do chuirfeadh
Día impidhe [oruibhsi] thrídne, iarr-
maóidni dathchuinghe [oruibh] as uchd
Chríosd, bíghidh réidh ré Día.
21 Oir do rinne seisean air ar soinne,
peacadh don tí ag nách raibh fios
peacaigh, ionnus go ndéuntaói fíréuntachd
Dé dhínne, annsan.

CAIB. VI.

Go bhfuil buille na bfiréin ag meudughadh a subhailce & a nionnracus; 14 & go gcaidrigh Día ag an fhear sheachnas comann dhaoine gan chreideamh.

AGus ar mbeith dhúinne ag cungnamh
rision, íarrmuid fós dathchuinghe
[oruibh] gan ghrás Dé do ghabháil chu-
guibh go díomhaóin.
2 (Oir a deir sé: Do éisd mé ri
a nam iomchubhaidh, agus a ló a
tslánaighthe tug mé cabhair dhuit:
féuch, a nois an tam iomchubhaidh,
féuch, a nois lá an tslánaighthe.)
3 Ní thabhramaoid adhbhar ar bith
oilbhéime uáinn a néinní, deagla go
mbeith an mhiniosdrálachd dá díomoladh:
4 Achd do nímid sinn féin ionmholta
sa nuile ní, mar mhinisdribh Dé, re
foighid fhada, a mbuáidhearthuibh,
a riachdanus, a namhghar.
5 A mbuillidhibh, a bpriosúnuibh, a
ndíbirt ó áit go háit, a saothar, a
bhfaire, a dtroisgibh.
6 A ngeanmnuidheachd, a néolus, a
niomchar fhada, a macántas, maille ré
an Sbiorad náomh, maille ré grádh
neamhfhallsa.
7 Maille ré bréithir na firinne, maille
ré cumhachd Dé, maille ré harmuibh
fíréuntachda, air ar láimh dheis, & chle.
8 Tré onóir agus easonóir, tré
dhrochtheisd agus dheaghtheisd: mar
mhealltóirigh agus íad fírinneach:
9 Mar dhruing nach aitheantar, agus
íad aitheanta: mar dhruing ag fagháil
bháis, agus féuch, atámuid béo:
mar dhruing smachduighthear, agus
gan a marbhadh:
10 Mar dhruing ag déunamh doil-
gheasa, ach do ghnáth ag déunamh
gáirdeachais: mar dhaóinibh bochta,
gidheadh do ní morán saidhbhir: mar
dhaóinibh gan ní air bith aca, gidheadh
do shealbhuigheas na huile neithe.
11 O a Chorinthiánacha, atá ar
mbéulne osguilte chuguibhse, atá ar
gcroidhe ar na dhéunamh fairsing.
12 Ní bhfuiltí ionnuinne da bhur
gcongmháil a gcumhgach, achd atá
sibh cumhang ann bhur ninnibh féin.
13 Achd [dfagháil] an chúitigh chéd-
na (labhruim amhuil rém chloinn) bí-
ghidhse fairsing mar an gcéudna.

14 Ná hiomchruidh cuing mhiochomh-
rom a bhfochair dhaóineadh gan
creideamh. Oír créd é caidreabh na
fíreuntachda ré neamhfhíreuntachd ? nó
créd é cumann an tsolais ris a ndor-
chadas ?
15 No cionnus thig Criosd agus an
diabhal ré chéile? nó créd í cuid an tí
chreideas, don tí nach ccreideann?
16 Nó créd é an ceangal [do
bhiadh] ag teampoll Dé, agus ag iodha-
laibh ré chéile? óir is sibhse teampoll
Dé bhí: do réir mar a dubhairt Día,
Caithidh mé um chomhnuidhe ionnta, agus
siubholad na measg: agus biaidh mé um
Dhia aca, agus beid siadsan na bpobal
agamsa.
17 Uime sin taguidh amach as a lár,
& dealuighe ríu, a deir an Tighearna:
& ná biodh buáin aguibh ré ní neamh-
ghlan: & géubhuidh misi chugam sibh:
18 Agus biaidh mé aguibh um athair,
agus biaidh sibhse bhar gcloinn mhac
agus inghean agumsa, a deir Tighearna
na nuile chumhachd.

CAIB. VII.

Co meudaigheann doilgheas diagha, deagh oibríomh.

Uime sin a [dhearbhráithre] grá-
dhacha, ar bhfagháil na ngeallamh-
nasa dhúinn, glanum sinn féin ó
gach shalchar na feola, agus na spio-
raide, ag críochnughadh naomhthachda
a neagla Dé.
2 Gabhuidh sinne chuguibh: ní dhear-
namar eugcóir ar éunduine, ní thruáil-
leamar éunduine, ní dhearnamar
feill ar éunduine.
3 Ní chum [sibhse] dháoradh a dei-
rim so: óir a dubhairt mé roimhe, go
bhfuil sibh ann ar gcroidhibhne, chum báis
& beatha d'fhagháil a bhfochair a chéile.
4 As mór an dánachd do ním
ruibh: is mór mo ghairdeachas ar
bhur son: atáim lán do mheanma: is
líonta mé do ghairdeachas ann ar
nuile bhuáidhirt.
5 Oír ar dteachd dúinn go Macedó-
nia, ní bhfuair ar bhféoil suáimhneas ar
bith, achd air buáidhreadh air gach
taobh: combraic don táobh a muigh
[bhíodh,] agus eagla don táobh a sdigh.
6 Ach Día do bheir furtachd do
na daóinibh anbhfanna, tug sé furtachd
dúinne ré teachd Thituis.
7 Agus ní ré [n]a theachdsan amháin
ach mar an gcéudna ris an bhfurtachd
fuair seision uáibhse, an tan do aith-
ris sé dhúinn bhur bhfonn romhórsa,
bhur gcaóineadh, bhur dteasgrádh
damhsa: ionnus gur móide do ghabh
gáirdeachas mé.
8 Oír ge gur chuir mé doilgheas ó-
ruibh rém litir, ní bhfuil sé na aith-
reachas oram, gé go raibh sé na aith-
reachas oram: Oír do chím gur chuir
an litir sin doilgheas oruibhsi, biodh
nach [chuir] achd ar feadh tamuill.

9 Atá gáirdeachas a nois oram, ní
ar son doilghis do bheith oruibhsi, ach
fá dhoilgheas do bheith oruibh, chum
na haithrighe: óir is do réir Dé do
bhí doilgheas oruibh, ionnas nach dear-
nadh dioghbháil díbh ar éunchor dár
dtáoibhne.
10 Oír an doilgheas bhíos do réir
Dé, oibrighe sé aithrighe chum slá-
naighthe nach aithreach linn: achd
óibrigheann doilgheas an tsáoghail, bás.
11 Oír féuch, a nise féin, doilgheas
do bheith oruibh do réir Dé, créd é méd
na dúthrachda do oibrigh sé ionnuibh, &
fós an leisgéil, agus fós an reachd
feirge, agus na heagla, agus fós an
romhianghuis, agus fós an teas grádha,
agus fós an dioghaltuis! do fhoillsi-
gheabhair sibh féin ar gach éunchor do
bheith glan sa nadhbharsa.
12 Uime sin biodh gur sgríobh mé
chuguibh, ní ar son an tí do rinne a
néugcóir [do sgriobh mé,] ná ar son an
tí ar a ndearnadh a néugcóir: achd
ionnus go mbiadh ar ndúthrachdne
bhur dtimcheallsa, follas daóibh a bhfia-
dhnuisi Dé.
13 Ar a nadhbharsa, fúaramar comh-
fhurtachd, do bhrígh na furtachda fúa-
rabhairse: ach ba ro mhó ná sin do bhí
gáirdeachas oruinn, fá ghairdeachas Thi-
tuis, do bhrígh gur meanmnuigheadh
a spiorad uáibhse uile.
14 [Agus) do bhrigh má rinne mé
mórdháil a néinní rision bhur dtáobhsa,
nár cuireadh adhnáire oram: achd
amhuil do labhramar ribhse na huile
neithe a bhfírinne, gur ab amhluidh
sin mar an gcédna frith ar mórdháil
[asuibhse] ré Titus, na fhírinne.
15 Agus as líonmhuire ná sin atá
toil a chroidhesion daóibhse, ag coimh-
niughadh bhur numhlachd uile dhó,
mar do ghabhabhair chugaibh é, maille
ré faitcheas & ré criothnughadh.
16 Uime sin atá gáirdeachas oram,
do bhrigh gur féidir leam bheith dána
asuibh sa nuile ní.

CAIB. VIII.

Gur sbór ghér chum daonachd, Sampla na Macedonach, 9 ⁊ Josa Criosd.

TUilleadh eile a dhearbhráithre, foill-
sigheamaóid grás Dé dhaóibh, noch
tugadh deagluisibh na Macedónia.
2 Eadhon a ngáirdeachas líonmhar, sa
mbuaidhirt mhóir lér dearbhadh iad,
agus gur líon a mbochduine ro mhór,
chum saidhbhris a ndáonachd.
3 Oír (do ním dfiadhnuisi dhóibh)
do bhádar toilteanach do réir a nac-
fuinne, nó fós ós cionn a nacfuinne:
4 Dhá iarruidh go gér dathchuinghe
oruinne, an grása, agus comhruinn sa
miniosdrálachd a dtimcheall na naomh,
do ghabháil oruinn.
5 Agus ní do réir mar bhí dóigh
aguinn, ach tugadar iad féin ar tús
don Tighearna, & na dhiaigh sin dúinne
do thoil Dé;

6 Chum

6 Chum impidhe do chur ar Thítus dúinn do réir mar thionnsguin sé, go gcuirfeadh sé críoch eadruibhse fós air an ngrás céudna.
7 Uime sin amhuil atá sibh iomlán sna huile neithibh, a gcreideamh, & a mbréithir, agus a néolas, agus sa nuile dhúthrachd, agus a ngrádh dár dtaóibhne, gur mar sin bhias sibh iomlán sa ngrássa mar an gcéudna.
8 Ní tré cheannus [oruibh] a deirim so, ach do bhrígh dhúthrachd dhaóineadh eile, agus do dhearbhadh chinéil bhur ngrádhsa.
9 Oir is aithne dhaóibh grása ar Dtighearna Iósa Críosd, do bhrígh ar mbeith dhó saidhbhir, go ndearnadh duine fíorbhochd de ar bhur sonsa: chum sibhse do dhéunamh saidhbhir, ré na bhochdainesion.
10 Agus foillsighim minntinn sa nise: Oir téid so a sochar dhaóibhsi, noch do thionnsguin cheana, ní hé amháin a dhéunamh, ach bheith fonnmhar fós daóibh, bliadhain ó shin.
11 Uime sin, a nois cuiridh críoch ar a dhéunamh, ionnus mar do bhábhair ó thoil ro ullamh chum a dhéunta, go madh hamhluidh sin mar an gcéadna chuirfeas sibh a gcrích é, don ní atá aguibh.
12 Oir dá raibh inntinn fonnmhar ag neach ar tús, gabhthar sin úadh, do réir a neithe atá aige, agus ní do réir a neithe nach bhfuil aige.
13 Agus ní huime [a deirim so,] chum socamhuil [do bheith] ag daóinibh eile, agus sibhse do bheith fá dhaóirsi: achd ar chonnradh chomhthrom, chum bhur nacfuinnesi a nois [dfóirighthin] a riachdanuision:
14 Ionnus go bhfóirfeadh a nacfuinnsean ar bhur riachdanusa mar an gcéadna, ar ghléus go mbíadh comhthrom [eadruibh:]
15 Do réir mar atá sgroíbhtha, An tí [do chruinnigh] morán, ní raibh iomarcuigh aige: & an tí [do chruinnigh] beagán, ní raibh easbhuidh air.
16 Agus a bhuidhe ré Día do chuir an dúthrachd céudna a gcroidhe Thítuis bhur dtimcheallsa.
17 Oir do ghlac sé go deimhin an brosdugh chuige: agus ar mbeith dhó ní sa dúthrachduigh ná sin, do thriall sé dhá thoil féin chuguibh.
18 Agus do chuireamar leis, na chuideachda, an dearbhrathair ar a bhfuil deaghthealsd sa soisgéul, trés na huile eagluisibh.
19 (Agus ní hé amháin, ach do toghadh é mar an gcéudna, ris na heagluisibh, mar fhear comhaisdir aguinne, do tháobh an ghrássa do nímid a mhiniosdrálachd chum glóire an Tighearna, agus chum [go bhfoillseóchthaói] bhur minntinn ro ullamhsa.)
20 Ar mbeith dhúinn ag seachna ar ndíomolta do neach ar bith, sa bhfairsingesi do nithear do mhiniosdrálachd rinn.
21 Ar mbeith dhúinn ag soláthar dheaghneitheann, ní hé amháin a bhfiadhnuisi an Tighearna, achd a bhfiadhnuisi na ndaóine mar an gcéudna.
22 Agus do chuireamar ár ndearbhráthair ma ráon ríu, noch do dhearbhamar go minic do bheith dúthrachdach a morán do neithibh, agus a nois ní sa dhuthrachduighe ná sin, do bhrígh an rodhóchuis atá aige asuibhse.
23 Achd a dtaóibh Thítuis, [a sé] mo chompánachsa é, agus mo chomhoibrighe bhur dtáobhsa: nó a dtáobh ar ndearbhráithreach, [a siad] teachdairighe na neaglúiseadh iad, [agus] glóir Chríosd.
24 Uime sin cuiridh dearbhthachd bhur ngrádha, agus ar mordhaileas asuibhse, a numhail doibh, a bhfiadhnuisi na neagluiseadh.

C A I B. IX.

An barr meanmnughadh chum féile le déirc.

OIr a dtáobh mhiniosdrálachda do dhéunamh do na náomhuibh, as iomarcach dhamh sgríobhadh chuguibh.
2 Oir atá fios ullmhachda bhur minntinne agum, as a ndéanuim mórdhail asuibhse ris na Macedónachaibh, [ag rádh] Go bhfuil bliadhuin ó bhi Achaía ullamh: ionnas gur bhrosdaigh bhur niomthnúthsa morán.
3 Agus do chuir mé na dearbhráithreachasa ar siubhal, ionnus nach bíadh mo mhórdhail asuibhsi díomhaóin sa gcáilsi; agus go mbíadh sibhse ullamh, mar a dubhairt mé.
4 Deagla má thigid na Macedónaigh riom, agus go bhfuighid siad sibhse neamhullamh, go mbíadh adhnáire oruinne, gan teachd oruibhsi, sa mhórdhálasa.
5 Uime sin do bhreathnuidh mé gur riachdanach, na dearbhráithre bhrosdughadh, chum teachd chugaibhsi dhóibh ar tús, agus bhur nalmsana air ar labhradh cheana do chríochnughadh roimh láimh, ionnus go mbíadh sí ullamh, mar ní [gheibhthear] tré dhíochnachd, agus ní ré crúadháil.
6 Agus bíodh so ar cuimhne aguibh, an tí shíolchuireas go tana, is go tana bheanfus sé: & an tí shíolchuireas go tiugh, is go tiugh bheanfus sé.
7 [Tabhradh] gach áon [úadh] do réir thogra a chroidhe: ní maille ré doithcheall, nó ré héigean: Oir is ionmhuin ré Día an tí bhronnus go soilbhir.
8 Agus as cumusach Día ar sibhse do líonadh do na huile ghrásaibh: ionnas ar bhfagháil bhur saith dhaóibh a gcomhnuidhe do na huile neithibh, go líonfadh sibh chum gach uile dheaghoibre.
9 (Do réir mar atá sgríbhtha: Do leathnaidh sé, [agus] tug sé do na bochdaibh

dhaibh: mairidh a fhiréuntachd go
idhe.
10 Agus an tí do bheir síol don
dóir, agus arán chum beatha, go
idh agus go méuduighe sé bhur
ursa, agus go dtuguidh sé do thórth-
bhur bhfíréuntachda fás.)
11 Ar mbeith dhaóibh ar bhur ndéu-
saidhbhir sa naile chás, chum na
dháonnachda, noch do bheir fódeara
ne, buidheachas do bhreith ré Día.
12 Oir do bheir miniosdrálachd na
rlasa, ní hé amháin fóirighin do
danusaibh na náomh, ach líonuidh
r an gcéudna tré mhorán buidh-
hais do bhreith ré Día ;
13 Ar mbeith dhóibh tré dhearbh-
chd na miniosdralachdasa ag moladh
do bhrígh bhur numhlachdasa an a
l sibh admhálach do shoisgéul
íosd, agus do bhrígh bhur gcumuinn
nachduigh ríu féin, agus ris na
[náomhuibh.]
14 Agus ann a núrnuighe ar bhur
, noch atá bhur níarruidh ar son
Dé líonas ionnuibh.
15 Uime sin buidheachas ré Día ar
thiodhlaice, nach dtig ré teanguidh
sughadh.

CAIB. X.

*fideadh sbioradalta na Nccriosdui-
adh.*

Uilleadh eile, sirimse Pól dath-
chuinge oraibh, tré mhacántus,
cheannsachd Críosd, noch ar
dhamh do láthair, [bhíos] íseal
bh, ach do ní dánachd oruibh
nach bím bhur lathair :
2 Achd iarruim oruibh gan [sibh dom
ghadh,] an tan bhías mé bhur lá-
, chum bheith teann damh, leis a
chd céudna ré a saóiltear mé
teann a nadhuigh dhruinge
, mhéusas sinn, mar do bheimís
siubhal do réir na féola.
3 Oir ar mbeith dhúinn ag siubhal sa
, ní do réir na féola na nímid
dh :
4 (Oir ar náirm coguidh ní féolmhar
, ach cumhachdach ó Dhía, chum
neach do leagadh síos ;)
5 Ag cur theilgin na hinntinne ar
& gach uile áirde, dá nárduigheann
a nadhuigh éolais Dé, agus ag
gach uile smuáintighe a mbráigh-
chum umhluighthe do Chríosd.
6 Agus agá bhfuil díoghaltus ullamh
únamh ar a nuile easumhlachd, an
choimhlíontar bhur numhlachdsa.
7 An do réir a bhfaicséana mheasas
eithe ? má atá dóchas ag aóinneach
féin, gur lé Críosd é, smuáineadh
a ris úadha féin, amhuil is ré
eision, gur lé Críosd sinne fós
an gcéudna.
8 Oir biodh go ndéanuinn ní éigin
mhó do mhórdháil as na cumh-
ibh atá aguinn, tug an Tighearna
, chum bhur bhfollamnuighthesi,
agus ní chum bhur gcurtha ar gcúl, ní
bhiadh adhnáire oram.
9 Achd ionnus nach measfuighe mé mar
bhéinn ag cur eagla oruibh rém litribh.
10 Oir atáid na litreacha (a deirid
siad) nimhneach, láidir : achd is meirbh
a phearsa a láthair, agus ní bhfuil
éifeachd na bhriathruibh.
11 An tí atá amhluidh sin, smuái-
neadh sé ar so, Do réir mar bhímid a
mbréithir tré litribh ar mbeith dhúinn as
láthair, go mbíam mar an gcéudna dá réir
sin a ngníomh, an tan bhíam a láthair.
12 Oir ní lamhmaóid sinn féin do
cheangal, nó chur a gcomórtus ré
druing áirighe bhíos dá moladh féin :
gidheadh ní thuigid siad, Gur dá dto-
mhas féin ríu féin bhíd siad, agus
dá gcomórtus féin ré chéile.
13 Achd ní dhéunmaóidne mórdháil
as na neithibh théid thar ar dtomhas :
ach do réir mhiosúir na riaghla, noch
do thomhuis Día dhúinn, miosúr ré
rochduin fós go soithe sibhse.
14 Oir ní shínemid sinn féin tar
mhogh mar nach dtiucfadh dhínn roch-
duin chuguibhsi : óir rangumar fós
chuguibh maille ré soisgéul Chríosd.
15 Ní ag déunamh mórdhala as na
neithibh nar toimhseadh dhuinn, as
sáothruibh dhaóineadh eile : achd as
doigh linn, ar mbeith dá bhur gcreid-
eamhsa ag fás ionnuibh, go léigfigh-
thear tuilleadh fairsinge chuguinn sa
ní do toimhseadh dhúinn.
16 Chum an tsoisgéil do sheanmóir
sna críochaibh atá don táobh amuigh
dhaóibhsi : ní chum mordhala dhéa-
namh as riaghuil dhuine eile, as nei-
thibh atá ullamh cheana.
17 Achd an tí do ní mórdháil, déu-
nadh mórdháil as an Dtighearna.
18 Oir ní hé an tí mholás é féin,
atá ionmholta, achd an tí mholtar ón
Dtighearna.

CAIB. XI.

*Urraim na Fírinne ag Pól tar na dall-
absdoluibh meabhlach ; 22 a leisgeul fós,
& a fhulang.*

DO bfearr leam go niomchradh
sibh beagán rém leimhe : agus fós
iomchruidh leam.
2 Oir atáim éudmhar ribh, ré héud
díadha : óir do ullmhuigh mé sibh
déinfhear amháin, chum bhur dtabhartha
mar óigh fhíorghloin do Chríosd.
3 Gidheadh atá eagla oram, mar do
mheall naithir neimhe Eúbha ré na
mheabhail, go dtruáillfidhe bhur ninn-
tinnse mar an gcéudna ón tsimplidheachd
noch atá a Gcríosd.
4 Oir dá dtigidh neach do shean-
móirughadh Jósa eile, nach dearnamairne
sheanmóir ; nó da nglacuidh sibh spio-
rad eile nar ghlacabhair chuguibh, dob
iondéunta dhíbh a fhulang.
5 Oir saóilimse nach raibh bárr ag
an gcuid dob áirde do na habsdaluibh
oram. 6 Agus

6 Agus bíodh go bhfuilim túatamhuil
a mbriathruibh, achd ni bhfuilim a néo-
las : ach dó rinneadh follus sinn bhur
measgsa thríd amach sna huile neithibh.
7 A né gur chionntuigh mé tré bheith
dom ísliughadh féin chum sibhse dhár-
dughadh, tré bheith dhamh ag soisgéu-
lughadh shoisgéil Dé dhaóibhsi a naisge ?
8 Do shlad mé eagluiseacha eile, ag
glacadh túarasduil [úatha] chum seir-
bhíse do dhéunamh dhíbhsi.
9 Agus an tan do bhí mé bhur lá-
thair, agus riachdanas oram, níor léig
mé mo throm ar éunduine : óir do
foireadh a neasbhuidh do bhí oram
ris na dearbhbráithribh tháinic ó Mha-
cédónia : agus ar a nuile ghlés do
choimhéudas mé féin ó mo throm do
léigean oruibhsi, agus fós coimhéudfad.
10 Atá firinne Chríosd ionnam,
nách dúnfuighthear an maóithfeachussa
am adhuigh a gcríochaibh na Hachaia.
11 Créd uime ? an do bhrígh nach
bhfuil grádh agam dhíbhse ? atá a
fhios sin ag Día.
12 Ach a ní do nim, do dhéanad
fós é : ionnus nách dtiubhruinn cion-
fátha don druing ler mían cionfatha
dfaghál, chum a bhfaghála comhchos-
mhuil rinne, sa ní as a ndéanuid síad
maóithfeachus.
13 Oir atáid a leithid sin dabsdaluibh
fallsa, na luchd oibre fhallásach,
meabhlacha, dá gcur féin a bhfoirm
absdal Chríosd.
14 Agus ní hiongnadh sin : óir
cuiridh Satán é féin a bhfoirm aingil
na soillse.
15 Uime sin ní mór an ní é, dá
gcuirid a mhinisdrí íad féin mar an
gcédna a bhfoirm minisdridhe na
fíréantachda, agá mbiáidh a gcríoch
dheigheanach do réir a noibreacha.
16 A deirim a rís, Na tugadh éun-
duine meas dhuine gan chéill oram :
nó fós gabhuidh chuguibh mé mar
neach gan chéill, go ndéanuinnsi fós
beagán mórdhála asam féin.
17 A ní labhrum, ní do réir an
Tighearna labhrum é, ach mar neach
ar a bhfuil díth céille a ndóthchas
na mórdhálasa.
18 Do bhrígh go ndeanuid morán
mórdháil do réir na féola, do dhéunsa
mórdháil mar an gcéudna.
19 Oir fuilngidh sibh daóine gan
chéill go toilteanach, do bhrígh go
bhfuil sibh féin céillidhe.
20 Oir iomcharthaoí dá mbeire neach
a ndaóirsi sibh, dá sluige neach sibh, dá
mbeana neach [bhur gcuid] dibh, da
nârduighe neach é féin, dá mbuáile
neach sibh ar a nadhuigh.
21 As a dtáobh easonóra a deirim
so, amhuil mar bheimisne annbhfan :
má seadh fós gidh bé ar bith ní as a
bhfuil neach eile dána, (labhrum go
micheillidhe) atáimse mar an gcéudna
dána as.

22 An Eabhruidhe iadsan ? a seadh
misi mar an gcéudna. An Israéluidh
íad ? a seadh misi fós. An do shíol
Abrâham íad ? a seadh misi mar an
gcéadna.
23 An minisdri do Chríosd iad ? (la-
bhruim mar dhuine michéillidhe) atáim
ós a gcionn [sa cháil sin.] Nios lion-
mhuire a saothruibh, a mbuilleadhuibh
níos ro mhó, a bpriosúnuibh níos mi-
onca, a nguais bháis go minic.
24 Fuair mé dhá fhithchead buille achd
a háon, cúig huáire ó na Júdaighibh.
25 Do gabhadh do shlatuibh oram
trí huáire : do gabhadh oram éunuair
do chlochuibh : dfulaing mé luingbhri-
seadh trí huáire : do bhí mé lo go
oidhche a ndubhaigéun na fairrge :
26 A naisdribh go minic, a ngábhadh
aibhneadh, a mbáoghal biothamhnach,
a mbáoghal ó mo chineadh, a mbáo-
ghal ó na cineadhachuibh, a mbáoghal
sa gcathruidh, a mbáoghal sa bhfásach,
a mbáoghal sa bhfairrge, a mbáoghal
a measg dhearbhbráithreach bhfallsa.
27 A dtuirse agus a mbriseadh
croidhe, a bhfaire go minic, a nocaras
agus a niotuin, a dtroisgthibh go minic,
a bhfúachd agus a lomnochduighe.
28 Os cionn na neitheannsa do
táobh amuigh, an ní thig oram go
láethéamhuil, Cúram na nuile eagluiseadh.
29 Cía bhios lag, agus nach bim
lag ? cía gheibh oilbhéim, agus nach
bimse dom losgadh ?
30 Más éigean mórdháil do dhéu-
namh, is as na neithibh bheanas rém
éugcrúas do dhéun mórdháil.
31 Atá a fhios ag Día, eadhon athair
ar Dtighearna Iósa Críosd atá beann-
uighe do shíor, nach bhfuilim ag
déunamh bréige.
32 A Ndamascus, do chuir uachdar
arán an phobuil faói an Rí Aretas
coimhéud ar chathair na Ndamascénach
a ndóigh misi do ghabháil :
33 Achd do léigeadh síos mé a
gcliabh tré fhuinneóig ris an mballa,
&[mar sin]do chuáidh mé as a lámhuibh.

CAIB. XII.

Gur tarbhoighe cáil thrioblóid, no ... ghlóir, sa bheathaidhse.

GO deimhin ní hiomchubhaidh
dhamhsa mórdháil do dhéanamh
óir tiucfuidh mé chum taibhreadh agus
taisbéunadh an Tighearna.
2 As aithnidh dhamh neach a
Gcríosd ós cionn cheithre mbliadhan
déug ó shin, (más ann sa gcoluinn,
eadar : nó as an gcoluinn, ní eadar :
atá a fhios ag Día,) noch do fuadaigh
gheadh súas gus an treas neamh.
3 Agus as aithnidh dhamh a leithid
sin do neach, (más ann sa gcoluinn
no as an gcoluinn, ní eádair mé : atá
a fhios ag Día,)
4 Gur fuáduigheadh é go Pârthas,
agus go gcúaluidh sé bríathra rúnda
...

...acha nach cóir do dhuine labhairt.
5 Do dhéun mordháil as a shamhuil
do neoch: gidheadh ní dhéun mór-
...il asam féin, muna [dhearnad é] as
...gcrúasuibh.
6 Oir dá raibh na mhían oram mór-
...il do dhéunamh, ní bhiáidh mé neimh-
...idhe: óir déura mé a nfírinne. Gi-
...dh atáim ag congmhail oram féin,
...ch éunduine dom mheas, thar mar do
...i lé mé, nó mar do chluin sé uáim.
7 Agus deagla áirde inntinne dom
...eith tar mhodh, tré iomad sgéimhe na
...sbéuntadh, fuair mé sgolb ann
...óil, aingeal Shátáin, chum gabhála
...dhornuibh oram, deagla áirde inn-
...e dom bhreith tar mhodh.
8 Dá tháobh so do chuir mé impidhe ar
...n Dtighearna so thrí, fá na dhul uáim.
9 Achd a dubhairt sé riom: Is lór
...t mo ghrássa: óir iomlánuighthear mo
...mhachdasa a néugcrúas. Uime sin budh
...hóide mfonn mórdháil do dhéunamh
...néugcrúasuibh, ionnus go ndéanadh
...achd Chriosd comhnuidhe ionnam.
10 Uime sin bí sáimhe oram a néu-
...mhuibh, a nimdheargthuibh, a ríachd-
...ibh, a ngérleanmhanuibh, a namh-
...uibh ar son Chríosd: óir a núair
...n lag, bím láidir an tan sin.
11 Atáim mícheillidhe ré déunamh
...mhála: is sibhse do choimhéignidh
... Oir bá cóir dhamh mo mholadh
...se: óir ní raibh mé a gcáil ar bith
...n luchd dob áirde do na habsda-
...bíodh nach bhfuil éinseachd ionnam.
12 Go deimhin do hoibrigheadh co-
...rthaigh absduil eadruibhse maille
...a uile fhoighid, a gcomharthuibh,
...a niongantasuibh, & a gcumhachd-
...h.
13 Oír créud í an cháil a rabhabhair
...eagluisibh eile, muna bé nár léig
... mo throm oruibh? tuguidh maith-
...bhus damh sa néugcóirse.
14 Féuch, is ullamh a nois mé an
...s uáir chum teachd chuguibh, & fós
...chuirfe me mó throm oruibh: óir ní
... bhur máoin íarruim, ach sibh féin:
... ní har an gcloinn ata dfíachuibh
...mhus do chruinniughadh fá chomhair
...aithreach, achd ar na haithribh fá
...mhair na cloinne.
15 Agus budh ro mhían leamsa
...neamh ribhsi, agus mé féin fós do
...bhairt ar son bhur nanmann: bíodh
... mhéud ghráidhighim sibh, gur lu-
...ide bhur ngrádh dhamh é.
16 Ach bíodh nár chuir mé muirighin
...bh, gidheadh ar mbeith dhamh glic,
...ghabh mé sibh rém ghliocas.
17 A ndearna mé éudáil oruibh a
...ibh éunduine dhár chuir mé
...ibh?
18 Do íarr mé dathchuinge ar Thítus
...dhar nionnsuidhe] agus do chuir mé
...bhráthair maille ris: a ndearnuidh
...s eadáil oruibh a ní ar bith? a né

nach a naon spioruid amháin do shiubhla-
mar? a né nach éunlorg amháin
do leanamar?]
19 An síoiltí a rís go bhfuilmíd ag
gabháil ar léisgéil ribh? as a bhfiadh-
nuisi Dé labhramáoid a Gcríosd; achd
an tiomlán, a chairde, chum bhur bhfol-
lamnuighthese.
20 Oir as eaguil leam ar dteachd
damh, nach bhfuighe mé sibh mar as mian
riom, agus nách bhfuighe sibhse misi
mar is mian ribh. Agus go [mbiáidh]
imreasuin, tnúth, fearg, consbóid,
ithiomradh, siusarmach, lionadh [droch-
mhéine, agus] ceannarruic, [eadruibh.]
21 Deagla ar dteachd a rís chuguibh
dhamh, go nisleóchuidh mo Dhía mé
eadruibh, & go gcáoinse mé morán don
druing do pheacuidh cheana, agus nach
dearna aithrighe sa neamhghloine,
agus sa sdríopthachas, & sa mionáire
do rinneadar.

CAIB. XIII.

Bagra na gér-slaite ar dhaoinibh do-smachduighe.

AG so an treas uáir dhamh ag
teachd chuguibh. A mbéul dheisi
no trir sinné, biáidh gach uile bhría-
thar ar bun.
2 Do réumhráidh mé, & réumhráidhim
an dara huair, amhuil as do bhéinn bhur
láthair, & ar mbeith dhamh as bhur
lathair, sgríobhuim a nois chum na
druinge do pheacuidh roimhe so, agus
chum na coda eile uile, Dá dtigidh mé a
rís, ní choigeólad [sibh:]
3 O atá sibh ag íarruigh dearbhadh
ar Chríosd labhrus ionnam, noch da
bhur dtáobhsa nach bhfuil éugcruáidh,
achd atá cumhachdach ionnuibh.
4 Oir bíodh gur céusadh é tré éug-
crúas, mairidh sé fós tré chumhachd
Dé: Oir atámuidne fós éugcruáidh
maille rision: gidheadh bíam beó
maille ris tré chumhachd Dé bhur
dtáobhsa.
5 Feuchuidh sibh féin, an bhfuil sibh
sa gcreideamh: cúartuighe sibh féin: A
né nach feasach sibh oruibh féin, go bhfuil
Iósa Criosd ionnuibh? ach muna dáoine
éidearbhtha sibh.
6 Achd atá súil agum go mbiáidh
a fhios aguibh, nach dáoine éidearbhtha
sinne.
7 Agus íarruim dathchuinghe ar
Dhía, gan sibhse do dhéanamh uile ar
bith: ní chum go measfuidhe sinne do
bheith dearbhtha, achd chum sibhse do
dhéunamh neithe iomchubhaidh, bíodh
go mbeimisne éidearbhtha.
8 Oir ní féidir linn ní ar bith dhéa-
namh a nádhuigh na fírinne, achd ar son
na fírinne.
9 Oir bí lúathgháir oruinn an tan
bhimid féin éugcruáidh, agus sibhse lái-
dir: agus íarrmuid so dathchuinghe [ar
Dhía] mar an gcéudna, eadhon sibhse
do bheith diongmhálta.

10 As uime ſin ſgríobhuim na neithe
ſo ar mbeith dhamh as bhur láthair, dea-
gla mo bheith borb ar mbeith a láthair
dhamh, do réir na gcumhachd tug an
Tighearna dhamh, chum ſollamnuighthe,
agus ní chum ſgrioſda.
11 An cuid eile dhe, a dhearbhráith-
reacha, biodh gáirdeachas oruibh: bighidh
diongmhálta: bíodh deaghmheiſneach
aguibh: bighidh dhéininntinn: lean[...]
don tſíothcháin: & biáidh Día an gh[...]
dha, agus na ſíothchána maille ribh.
12 Teannuidh féin ré chéile maille [...]
póig náomhtha. Cuirid na náoimh [...]
a mbeannachd chuguibh.
13 Gráſa an Tighearna Jóſa Crío[...]
agus grádh Dé, & cumann an Sbior[...]
náoimh maille ribh uile. Amén.

EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA NGALATIANACH.

CAIB. I.

Muintir na Galatia corrach, díombuán a Gcreidimh.

POL abſdal (ní ó dháoinibh,
ná tré dhuine, ach tré Jóſa
Críosd, agus tré Dhía a-
thair, noch do thóg ſúas é ó
mharbhuibh.)
2 Agus na dearbhráith-
reacha uile atá maille ríom, chum eag-
luiſeadh na Galátia:
3 Gráſa maille ribh, agus ſíothcháin
ó Dhía athar, agus ó ar Dtighearna
Jóſa Críosd:
4 Tug é féin ar ſon ar bpeacuighne,
chum ar ſaortha ón drochſháoghalſa do
láthair, do réir dheaghthoile Dé, ea-
dhon ar nathairne;
5 Agá [bhfuil] glóir go ſáoghal na
ſaoghal. Amén.
6 As iongnadh leam bheith ar niom-
pógh dhíbh comhlúath ſin chum ſoiſgéil
eile, ón tí do ghoir ſibh chum grás
Chríosd:
7 Ag nách [ſoiſgéul] eile é: achd
amháin go bhfuil dream áirighe dhá bhur
mbuáidhreadh, agus lér mían ſoiſgél
Chríosd do chur a neimbrígh.
8 Ach biodh go ndéanamáoiſne, no
aingeal ó neamh ſoiſgéul eile do ſhean-
móir dháoibh, tar an [tſoiſgéul] do
rínneamar do ſheanmóir dháoibh cheana,
bíodh ſé malluighe.
9 Amhuil a dubhramar roimhe, a
deirim a nois a rís mar an gcéudna;
Cía bé dhéanas ſoiſgéul do ſheanmóir
dháoibh, leith amuigh dhe ſúd do gha-
bhabhair chuguibh, bíodh ſé malluighe.
10 Oír a nois an íad dáoine, nó a né
Día theaguiſgim? nó a ní toil na ndáoi-
ne íarruim a dhéunamh? go deimhin
dá mbéinn gus a nois ag déunamh toil
na ndáoine, ní bhéinn um ſhearbhſho-
ghantuidhe ag Críosd.
11 Agus do bheirim a fhios dhíbh
a dhearbhráithre, an ſoiſgéul do ſean-
móradh leamſa, nách do réir dhuine
átá ſé.
12 Oír ní ó dhuine fuáir mé é, ná
do theaguiſgeadh mé, ach tré thaiſ-
béunadh Jóſa Críosd.
13 Oír do chúalabhair mo choinbhear-
ſáid a nallód a gcreideamh na Niúdui-
gheadh, eadhon go raibh mé ag [...]
leanmhuin eagluiſi Dé tar mhogh, [...]
dá ſgrios.
14 Agus gur mó tháinic mé [...]
madhuigh a gcreideamh na Niuduighe[...]
ná morán dom mhaca ſamhla a me[...]
mo chinidh, ar mbeith dhamh ní as d[...]
rachduighe ag leanmhuin luirg mo ſhin-
ſear.
15 Gidheadh an tan do thoguir D[...]
(noch do chuir air leith mé ó bhr[...]
mo mháthar, agus do ghoir mé tré [...]
ghrás,)
16 A mhac féin dfoillſiughadh ionnam,
ionnus go mbéinn dá ſheanmóir a me[...]
na gcineadhach: air a nuáir ſin ní dea[...]
mé comhairle ré fuil agus ré feóil:
17 Agus níor fhill mé go Hiar[...]
ſalem, chum na druinge [do bhí] [...]
napſdaluibh romham: ach do imth[...]
mé go Harábia, & táinic mé ar [...]
rís go Damaſcus.
18 Na dhiáigh ſin a gcionn [...]
mbliadhan do fhill mé go Hiaruſal[...]
dféucháin Pheadair: agus dfan mé [...]
fhochair cúig lá dhéug.
19 Agus ní fhaca mé neach ar b[...]
eile do na hapſdaluibh, achd am[...]
Séumus dearbhráthair an Tighearna.
20 Agus ſna neithibh ſgriobh[...]
chuguibh, féuch, tógbhuim Dia dfia[...]
nuiſi, nách bréug do ním.
21 Na dhiáigh ſin tháinic mé [...]
críochaibh na Síria agus Cilícia.
22 Agus ní raibh eólas oram do [...]
mfaicſiona ag eagluiſibh thíre Júdaig[...]
noch do bhí a gcríoſd.
23 Achd amháin do chualadar, an [...]
do bhí dár ngérleanmhuin roimhe ſo, g[...]
bhfuil ſé a nois ag ſoiſgéulughadh [...]
chreidimh, do ſgrios ſé roimhe.
24 Agus tugadar glóir do Dhía do[...]
tháobh.

CAIB. II.

Pól ag leanmhuin ar a thuras 4 & ag [...]mhniughadh an tſoiſgeil. 7 mar [...]daire na Gcineadhach; amhuil Peadar, [...] Niúdúigheach.

AGus a gcionn cheithre mbliadhan
déug na dhiáigh ſin, do chuáidh [...]
ſúas a rís go Hiaruſalem ma ríon [...]
Barnabas, ar mbreith Thítuis ríom [...]
an gcéudna um chuideachda.

2 Ag[...]

2 Agus is do réir thaisbéunta do
...idh mé ſúas, agus do chuir mé a
...ll dóibh an ſoiſgéul do ním a ſhean-
...r a measg na gcineadhách ; achd
... druing dob oirdheirce aca air
..., deagla a gcáil ar bith go rioth-
... go diomhaóin, no gur riothas.
3 Ach fós níor cuireadh dfiachuibh
... Thítus do bhí um chuidheachda, a
...ocheallgearradh, bíodh go raibh ſé
... Ghréugach.
4 Agus ſin ar ſon na ndearbhrái-
...reach bhfallſa, do bhí ar dteoltógh a
...ch, noch do théultóigh a ſteach do
...nim na ſaóirſe atá aguinn a Gcrioſd
...n ar mbreith fá dhaóirſe:
5 Dá nach dtugamar urraim ar feadh
... amháin, ionnus go bhſanfadh fí-
...e an tſoiſgéil aguibhſe.
6 Agus ón druing air a ſaóiltear cáil
... oirdhearcuis do bheith, (gidh bé
... do bhádar roimhe ſo, ní bheanann
...dhamhſa : ní ar phearſainn dhuine
... meas ag Dia ; Oír) an dream
...iltear do bheith oirdheirc, níor
...readarr bárr ar mo theaguſgſa.
7 Ach go contrârdha dhó ſin, ar
...ſin dóibh gur taobhadh ſoiſgéul an
...chimchillghearrtha leamſa, mar
... tíobhadh ſoiſgéul] an timchioll-
...rtha lé Peadar:
8 (Oír an té do oibrigh do Pheadar
... abſdaltachda an timchillghearr-
..., doibrigh ſé dhamhſa mar an
...ina do tháobh na gcineadhach.)
9 Agus ar naithne do Shéumus &
... Chéphas, agus Déoin, ar a bhfuil
... bheith na bpoſduighibh, an grás
... tugadh dhamh: tugadar a lámh
... [a ccruth] chumainn damhſa
... do Bharnabas ; chum ſinne dim-
...chd chum na ccineadhach, agus
... féin chum an timchillghearrtha.
10 Achd amháin go mbíadh cuimhne
... ar na bochduibh : an ní céudna
... raibh mé féin dùthrachdach chum
...héunta.
11 Agus an tan tháinic Peadar go
...tiochia, do ſheas mé a nadhuigh a
...in, óir do thuill ſé a ſpreagadh.
12 Oír ſul tangadar dream áirighe
... Shéumas, do chaith ſé bíadh a
...chair na gcineadhach : ach tár éis
...ind dóibh, do théultó ſé agus do
... ſé [ríu,] ar mbeith eaglach dhó
...h an luchd do bhí don timchioll-
...rradh.
13 Agus do bhádar an chuid eile do
... Júduighibh mar an gcéadna ag cluái-
...chd na ſhochair : ionnas gur
...rraigeadar Barnabas fos ré na
...hin.
14 Achd an tan do chonnairc miſi,
... i an tſlighe dhíreach do ſhiubhladar
... ſírinne an tſoiſgéil, a dubhairt mé
... Peadar na bhfiadhnuiſi uile ; Má atá
..., agus tú ad Jùduighe, ag caitheamh
... bheatha réir na gcineadhach, & ní
réir na Níuduigheadh, créd fá gcuireann
tú dfiachuibh ar na cineadhachuibh
aithris do dhéunamh ar na Júduighibh?
15 Inne, atá ar Níuduighibh ó na-
dúir, agus ní ar bpeacthachuibh do
na cineadhachuibh,
16 Ar mbeith ſhios aguinn, nach
ſaorthar duine tré oibrighibh an reach-
da, ach tré chreideamh Jóſa Críoſd ;
do chreideamairne a Níoſa Críoſd, mar
an ccéudna, ionnus go ſaorfuighe ſinn
tré chreideamh Chríoſd, agus ní tré
oibrighibh an reachda : do bhrígh nach
ſaorfuighthear feóil ar bith tré oibri-
ghibh an reachda.
17 Agus má gheibhthear ſinne ar
bpeacthachuibh, [agus ſinn] ag íarruidh
ar ſíortha a Gcríoſd, A né go bhfuil
Críoſd na mhiniſdir ag an bpeacadh?
Nar léige Día ſin.
18 Oir má thógbhuim ſúas a rís na
neithe do leag mé ſios, do ním cion-
tach mé féin.
19 Oír atáimſe trés an reachd,
marbh don reachd, ionnus go mbéinn
béo do Dhía.
20 Do céuſadh mé má ríon ré Críoſd:
gidheadh atáim béo, bíodh nach
miſi feaſda, ach Críoſd atá béo ionnam:
agus an bheatha chaithim a nois ſa
gcoluinn, is tré chreideamh mhic Dé
chaithim í, noch do ghrádhuigh mé,
agus tug é féin ar mo ſhon.
21 Ní ag cur ghrás Dé ar gcúl atáim:
Oír má [thig] trés an reachd fíréuntachd,
is gan adhbhar fuáir Críoſd bás.

C A I B. III.

Tugadh Dlighe Mhaoſi 19 chum peacadh do bheagughadh, & do nochdadh ; 24 ach is tré Chreideamh Chríoſd atá ar ſáoradh uatha thríd amach.

O A Ghalatíanacha gan chéill, cía
rinne piſóga dhaóibh, as nách
géillfeadh ſibh don ſhírinne : agar
thaisbéunadh Jóſd Críoſd daóibh
roimhe ſo a bhfiadhnuiſi bhur ſúl, ar
na chéuſadh bhur measg?
2 Bá mían ríom ſo amháin dfogh-
luim uáibh, An ó oibrighthibh an
reachda fuarabhair an Spiorud, ná ó
éiſdeachd an chreidimh?
3 An bhfuiltí coimhmícheíllidhe ſin,
ar dtoſughadh dhaóibh ſa Spioruid, go
mádh mían ribh a nois bhur gcríochnu-
ghadh ſa bhfeóil?
4 An go diomhaóin dfuiling ſibh a
noirid ſin do neithibh? achd fós más
diomhaóin.
5 Uime ſin an tí do bheir an Sbiorad
go fairſing dhaóibh, agus oibrigheas
ſubhailcighe míorbhuileacha ionnuibh,
An tré oibrighthibh an reachda, nó
tré éiſdeachd a chreidimh [do bheir
ſé iad?]
6 Amhuil do chreid Abraham do
Dhía, agus do measadh dhó é mar
fhíréantachd.
7 Uime ſin is tuigthe dhaóibh, an
drung

drung [atá] don chreideamh, gur ab
íad sin clann Abraham.
8 Oir ar na fhaicsin roimhe don
sgriobtúir, go saorfadh Día na ci-
neadhacha tré chreideamh, do shoisgéil
sé roimhe láimh Dábraham, [ag rádh]
Biáidh na huile chineadhacha ar na
mbeannughadh ionnadsa.
9 Uimé sin an dream [atá] don
chreideamh, atáid síad beannuighthe
maille ré Hábraham deaghchreidmheach.
10 Oir an mhéid atá do tháobh oib-
rightheadh an reachda, atáid síad faoi
an mallachd: Oir atá sgríobhtha, As
malluighe gach áon nach ccomhnui-
gheann sna huile neithibh atá sgríobh-
tha a leabhar an reachda, chum a
ndéunta.
11 Agus as ní follas nach saorthar
éunduine trés an reachd a bhfíadhnuisi
Dé: óir As tré chreideamh mhairfeas an
firéun.
12 Gidheadh ni ón chreideamh atá an
reachd: Achd an tí dhéunas íad, mair-
fidh sé thríothadh.
13 Ach dfúasguil Críosd sinne ó
mhallachd an reachda, ar mbeith dhó ar
na dhéunamh na mhallachd áir ar son:
óir atá sgríobhtha, As malluighe gach
áon chrochdar a gcrann.
14 Ionnus go dtiucfadh beannachadh
Abraham chum na gcineadhach a Nióſa
Críosd, chum sinne dfagháil geallamhna
na Spioruide tré chreideamh.
15 A dhearbhráithre, is do réir
nóis daonna labhruim: bíodh nach
biadh ann achd connradh duine, ar
mbeith dhó daingnighthe, ní chuireann
éinneach ar gcúl é, agus ní curthar tuil-
leadh ar bith leis.
16 Máseadh is Dábraham agus dá
shíol tugadh na geallamhnacha. Ní abair
sé, Agus do na síoltuibh, mar [do
bhíadh sé ag labhairt] ar mhórán:
ach mar do [laibheóradh sé] ar áon
[ag rádh] Agus dod shíolsa, agár ab
é Críosd é.
17 Agus a deirim so, nách ccuireann
an reachd, noch do thosuigh a gcionn
cheithre gcéud & dheich mbliadhan bfi-
chead na dhiaigh, an connradh do
daingnigheadh roimhe ré Día a dtáobh
Chriosd, a neimbrígh, ionnas go gcuir-
feadh sé an gheallamhuin ar gcúl.
18 Oir más ón reachd [tig] a noi-
ghreachd, ní [thig sí] feasda ón ngeal-
lamhuin: ach tug Día [í] go saor
Dábraham tré ghealladh.
19 Uime sin créud é an reachd? is
uime do hórduigheadh é ar son shár-
uighthe na naitheantadh, go teachd don
tsíol dá ndearnadh an gealladh: ar na
órdughadh ris na hainglibh, tré láimh
eidirmheadhontóra.
20 Achd an teidirmheadhanthóir, ní
ré háon é: achd is áon é Día.
21 Uime sin an bhfuil an reachd a
nadhuigh gheallamhnacha Dé? a bhfad
uainn sin do rádh. Oir da mbeith reachd
ar na thabhairt, lér bhféidir beatha do
thabhairt úadha, go deimhin is trés an
reachd do thiucfadh fíréantachd.
22 Ach dfág an sgriobhtuir na huile
dháoine dúnta faoi pheacadh, ionnus go
dtiubharthaoi an gheallamhuin ó chrei-
deamh Jósa Criosd, don druing chreideas.
23 Ach suil tháinic an creideamh, do
congmhadh sinn fá smachd an reachda,
[agus] do dúnadh oruinn chum an chrei-
dimh, do bhí ré hadhuigh a thoillsighthe.
24 Uime sin a sé an reachd fá sgol-
mhaighistir dhúinn go Críosd, ionnus go
saorfuidhe sinn tré chreideamh.
25 Achd ar dteachd dón chreideamh,
ní bhfuilmíd feasda faoi sgolmhaighis-
dir.
26 Oir atá sibh uile bhur gcloinn
ag Día, trê chreideamh a Nióſa
Críosd.
27 Oir an mheid aguibh do baisd-
deadh a Gcríosd, do chuireabhair Críosd
iomuibh.
28 Ní bhfuil Júduighe na Gréugach,
ní bhfuil sáor na dáor, ní bhfuil fear na
bean: óir is áon sibh uile a Nióſa
Críosd.
29 Agus más lé Críosd sibh, as sibh
síol Abraham gan amhras, agus oigh-
righe do réir na geallamhna.

CAIB. IV.

Bhadar daoine fá reachd Mhaoise mar oighre fá fhear-coimhead: 22 gidheadh is ó shaoirse theachd ar shliocht Shára.

GIdheadh a deirim, ar feadh bhíos
an tóighre na leanbh, nach bhfuil
dithfir ar bith eidir é agus shearbhfho-
ghantuidhe, bíodh go bhfuil na Thigh-
earna ós cionn gach neithe:
2 Ach bí faoi luchd a choimhéada
agus fán luchd ar a mbí a chúram, go
teachd na haimsire do órduigh an t-A-
thair.
3 As mar an gcéudna sinne, an
tan do bhámar ar leanbuibh, do bhámar
a ndáoirse faoi chéadthosuighibh an
tsáoghail.
4 Achd ar gcoimhlíonadh na haimsi-
re, do chuir Día a mhac féin uadh, ar na
gineadh ó mhnáoi, [agus] do gineadh
faoi an reachd,
5 Chum na druinge do bhí faoi an
reachd dfúasgladh dhó, ionnus go
bhfuighemísne áit cloinne.
6 Agus do bhrígh go bhfuiltí bhur
gcloinn, do chuir Día úadh ann bhur
gcroidhthibh Spiorad a mhic féin, ghoi-
reas Abbá, Athair.
7 Uime sin ní searbhfhoghantuidhe
bhrios shárdhearbhthachd tuigse, chum
eólais rúindiamhra Dé eadhon a Nathar,
agus Chríosd:
3 Ann a bhfuilid na huile ionnmhusa
eagna agus eólais, folaighe.
4 Achd a deirim so, deagla go meall-
fadh éunduine sibh ré hóradh bríathar:
5 Oir biodh nach bhfuilim bhur láthair
sa gcoluinn, gidheadh atáim bhur láthair
sa sbioruid, ag déunamh gáirdeachais
& ag féuchain bhur nórduighe, agus
dhaingne bhur gcreidimh a Gcríosd.
6 Uime sin amhuil do ghabhabhair
an Tighearna Jósa Críosd chuguibh,
siubhluidh annsan:
7 Ar mbeith dhíbh ar bhur bhfréu-
mhughadh agus ar bhur bhfollamnugh-
adh ann, agus ar bhur ndaingniughadh
sa gcreideamh, do réir mar do thea-
guisgeadh sibh, ag líonadh ann dibh
maille ré breith bhuidheachais.
8 Tabhruidh bhur naire ribh, nach
meallfuidh éinneach sibh tré fheallsamh-
nachd agus tré mhealltóireachd dhío-
mhaóin, do réir thráchduighe na ndaóine,
do réir chéudthosaigheadh an domhuin,
agus ní do réir Chríosd.
9 Oir atá a nuile iomláine dhíaghachda
na comhnuidhe annsan go corparrdha.
10 Agus atá sibhse ar bhur lomlío-
nadh annsan, noch as ceann don uile
úachdaranachd, agus do na huile chu-
mhachduibh.
11 Ann a bhfuiltí mar an gcéudna
timchillgearrtha, ré timchillghearradh
nach láimhdhéunta, ag cur chuirp phea-
cuidh na féola dhíbh, tré thimchill-
ghearradh Chríosd.
12 Ar mbeith dibh adhluice má ráon
ris tré bhaisdeadh, ann a ndearnabhair
eiseirghe fós má raón ris tré chreideamh
oibre Dé, do thóg é súas ó mharbhuibh.
13 Agus do aithbhéodhuigh sé sibhse
maille rision, ar mbeith dhíbh marbh
a bpeacaidhibh, agus a neimhthimchill-
ghearradh bhur bhféola, ag maitheamh
a nuile pheacuidh dhíbh;
14 Ar sgrios sgríbhinne na nordui-
gheadh do bhí ar nadhuighne, dhó,
agus do bhí contrárrdha dhúinne, do
thóg sé as a tslighe í, agá greamadh
don chroich:
15 Ag sadhbhadh na nuachdaránachd
agus na gcumhachd dó, do thaisbéin sé
go follas [iad] ar ndul dó ann féin go
caithréimeach ós a gcionn.
16 Uime sin ná damnuigheadh éin-
neach sibh ar son bhidh ná dhighe,
ná a dtáobh láe saóire, ná fán Ré nuáidh,
ná a dtáobh na sabbaideadh:
17 Nach bhfuil ach na sgáile do na
neithibh atá chum teachda: achd is lé
Críosd an corp.
18 Ná meallaidh éunduine sibh, a
numhlachd inntinne & a dtabhairt onóra
dainglibh, dhá sháthadh féin sna neithibh
nach bhfacuidh sé ríamh, ar na líonadh
go díomhaóin ré hinntinn a cholla féin:
19 Agus nach cconginhann sé an ceann,
as a bhfághann an corp uile, ar mbeith
dhó gan uireasbhaidh dluthuighe ré
chéile tré altuibh agus tré choimh-
cheangaltuibh, fás tré fhás Dé.
20 Uime sin má fúarabhair bás má
ráon ré Críosd, ó chéudthosuighibh an
domhain: créd fá bhfuil sibh mar dhaói-
nibh chaitheas a mbeatha sa saoghal,
ag leanmhuin dórduighthibh,
21 Ná bean ris, na blais, na láimh-
sigh?
22 Noch théid uile a dtruáilleadh
ré na gcleachdadh, do réir aitheantadh
agus theaguisg na ndaóine.
23 Neithe agá mbí cáil eagna orrtha,
sa seirbhís chumuid daóine úatha féin,
agus a numhlachd inntinne, agus a
neamhchoigilt an chuirp, ní a nonóir
air bhith do sháfadh na colla.

C A I B. III.

Na seanbhéusa do chur far cúl, 18 & caitheamh ar reachd tighe na ccreid-mheach, lé núa-beatha.

Uime sin má deiséirghe sibh má
ráon ré Críosd, iarruidh na neithe
atá shúas, sa nionadh ann a bhfuil
Críosd na shuidhe ar deis Dé.
2 Biodh bhur ndúil sna neithibh atá
shúas, & ní sna neithibh atá air talamh.
3 Oir atá sibh marbh, agus atá bhur
mbeatha folaighthe má ráon ré Críosd
a Ndia.
4 An tan fhoillséochar Críosd, ar
mbeathainne, foillséochar sibhse fós an
tan sin a nglóir má ráon ris.
5 Uime sin claóidhigh bhur mboill
thalmhuidhe, sdríopachas, neamhghloine,
fonn colluidhe, ainmhian, agus saint
noch as iodhaladhradh:
6 Tré na dtig díoghaltus Dé ar chloinn
na heasúmhlachda.
7 Ann a rabhabhairse fós ag siubhal
a nallód, ar mbeith dhíbh ag caitheamh
bhur mbeatha ionnta.
8 Achd a nois cuiridh uáibh na ne-
thesi uile, fearg, buirbe, droichmhéin,
comhradh salach as bhur mbéul.
9 Ná déunuidh bréug ré chéile, ó
chuireabhair an seanduine dhíbh maille
ré na ghníomharthuibh:
10 Agus ó chuireabhair an duine nuadh
iomuibh, noch atá ar na athnuadhu-
ghadh a néolas, do réir iomhaighe an
tí do chruthaidh é:
11 Mar nach bhfuil Gréugach agus
Júduighe, timchillghearradh & neamh-
thimchillghearradh, duine barbartha &
Scitian, dáor agus sáor: achd Críosd na
uile agus ann sna huilibh.
12 Uime sin cuiridh iomuibh, mar
[chloinn] thoghtha náomhtha ionmhuin
Dé, inníghe trócaire, cáoine, umhlachd
inntinne, ceannsachd agus foighid:
13 Ag tabhairt iomchair dhá chéile,
agus

agus ag maitheamh dhá chéile, má tá
gearan ag neach a nadhuigh ar oile: a
ṁhail tug Críoſd maitheamhnas dibhſe,
go madh hamhluidh ſin [dhéunas] ſibh-
ſe.
14 Achd ós cionn na neitheannſa uile,
[bíodh aguibh] carrthannachd, noch
as toimhcheangal diongmháltachda ann.
15 Agus bíodh ſíothcháin Dé ag ríagh-
ladh bhur gcroidheadh, chum a
ngoirthí fós ar bhur ngairm a néunchorp;
agus bighidh buidheach.
16 Bíodh briathar Chríoſd na comh-
nuidhe ionnuibh go ſaidhbhir ſa nuile
eagna; dá bhur múnadh agus dá bhur
ccomhairlig féin a ſalmuibh, agus a bhfon-
nuibh molta Dé, agus a gcainticibh
ſpioradálta, ag déunamh ceóil don Ti-
ghearna ann bhur gcroidhthibh maille
ré gean.
17 Agus gidh bhé ar bith ní dhéun-
taoi, a mbreithir nó a ngníomh, [déantar
iad] uile a nainm an Tighearna Íóſa
ag breith bhuidheachais dibh ré Día
agus fós an Tathair, thridſion.
18 A mhná, bíghidh umhal do bhur
bhfearuibh, mar is cubhaidh ſa Dti-
ghearna.
19 A fhiora, grádhuighe bhur mná,
agus ná bíghidh ſearbh dhóibh.
20 A chlann, bíghidh umhal do bhur
naithribh agus do bhur máithribh ſna
huile neithibh: óir as mór gean an Ti-
ghearna ar ſo.
21 A aithreacha, na broſduighe bhur
gclann chum feirge, deagla a meiſnighe
do chur ar gcúl.
22 A ſhearbhfhoghantuighidh, bíghidh
umhal ſna huile neithibh don druing is
maighiſdridhe oruibh do réir na feóla,
ní a ſeirbhís ſúl, mar luchd do ní toil
na ndaóine, ach maille ré neamhurchóid
croidhe, ar mbeith eaglach dhibh roi-
mhe Dhía.
23 Agus gidh bé ar bith ní do ní ſibh,
déunaidh é ó chroidhe, amhuil don
Tighearna, agus ní do dhaóinibh:
24 Ar mbeith a fheaſa aguibh, go
ngébhe ſibh ón Dtighearna luaidheachd
na hoighreachda: óir as don Tighearna
Críoſd do ní ſibh ſeirbhís.
25 Achd gidh bé ní eugcóir, do ghéu-
baidh ſé luach ſaothair na héugcóra
do rinne ſé: agus ní bhfuil féuchuin
do phearſuinn ſeach a chéile.

CAIB. IV.

Ní do ghuidhe arſon na miniſdreadh; 5 do ſiubhal go haireach ſa chomhair na miniſdridhbeacha.

A Mhaighiſdrighe, déunuidh cóir agus
comhthrom ré bhur ſearbhfhoghan-
tuighibh: ar mbeith a fheaſa aguibh,
go bhfuil maighiſdir aguibh féin mar an
gcéudna ar neamh.
2 Bighidh búan a núrnuighe, ag faire
innte maille ré breith bhuidheachais.
3 Ag úrnuighthe mar an gcéudna
air ar ſoinne, chum Dé dfoſgladh dho-
rais na hurlabhra dhúinn, as go lai-
bhéoramis rúindiamhair Chríoſd, tré a
bhfuilim fós a gcuibhrighthibh:
4 As go bhfoillſéochuinn í, amhuil as
cóir dhamh labhairt.
5 Siubhluidh go heagnuidhe a dtaobh
na druinge atá a muith, ar mbeith dhibh
ag ſíaſgladh na haimſire.
6 Bíodh bhur gcomhrádh do ghnáth
gráſamhuil, ar na thumadh a ſalann:
ionnas go mbíadh a fhios aguibh cionnas
as cóir dhibh gach áon do fhreagra.
7 Foillſéochuidh Tichicus dearbhrá-
thair grádhach, agus miniſdir díleas, &
comhſhearbhfhoghantuidhe ſa Dtighear-
na, mo chorſa uile dhibh:
8 Noch do chuir mé chuguibh ſá a
nadhbhar chéudna, ionnus go mbíadh a
fhios aige créd as cor dhaóibh, agus go
dtiubhradh furtachd dá bhur gcroidh-
thibhſe:
9 Má ríon ré Honeſimus dearbhrá-
thair díleas grádhach, noch as díbh
féin. Foillſéochuid dhibh na huile neithe
atá ann ſo.
10 Cuiridh Ariſtarchus mo choimh-
phríoſúnach beatha agus ſláinte chuguibh,
agus Marcus bráthair Bharnabais, agá
bhfuarabhair áitheanta dhá tháobh: Má
thig ſé chuguibh, gabhuidh leis.
11 Agus Íóſa da ngoirthear Juſtus,
noch as don timchillghearradh: a ſíad
amháin mo luchd cungantaſa do chum
ríoghachda Dé, [agus] a ſíad bá fhur-
tachd damh.
12 Cuiridh Epaphras ſearbhfhoghan-
tuidhe Chríoſd noch is díbh féin, bean-
nachd chuguibh, ag déunamh obárna do
ſhíor a núrnuighibh ar bhur ſon, chum
ſeaſdá dhibh go diongmhálta agus líonta
a nuile thoil Dé.
13 Oir do ním dfíadhnuiſe ris, go
bhfuil teaſgrádh aige dhibhſe, agus do
luchd Laodicéa, agus do luchd Hiera-
pólis.
14 Cuiridh Lucás an líaigh grádhach,
agus Démas, beannachd chuguibh.
15 Beiridh beannachd chum na ndear-
bhráthar atá a Laodicéa, agus chum
Nimpháis, agus chum na heagluiſe atá
ann a thigh.
16 Agus an tan léighfighthear a nei-
piſdilſe eadruibh, tuguidh ſá deara a
léaghadh mar an gcéudna a neagluis na
Laodicéanach: agus léighidhſe fós a nei-
piſdil ó Laodicéa.
17 Agus abruidh ré Harchippus, Ta-
bhaire haire leachd ſán miniosdrálachd
fuáir tú ſa Dtighearna, do choimhlíonadh.
18 Beatha agus ſláinte [chugaibh] ré
mo láimhſe Pól. Bíodh cuimhne aguibh
ar mo ghéimhleachuibh. Gráſa maille
ribh. Amén.

CEUD EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA DTESSALONICANACH.

CAIB. I.

Atá dúthcheall na Dtessalonicenseach, 6 iona sceulhan do na huile Chriosduighibh.

POl agus Silbhánus agus Timotéus
chum eagluise na Dtessalónica-
nach a Ndía Athar, & sa Dti-
ghearna Jósa Críosd, Grása maille
ribh agus siothcháin ó Dhía ar Nathair,
agus ón Dtighearna Jósa Críosd.
2 Beirmíd buidheachas ré Día do
shior ar bhur sonsa uile, dá bhur gcoimh-
niughadh ann ar núrnuighibh:
3 Gan sgur dá bheith ag coimhniugh-
adh bhur nobair creidimh agus saothar
carrthannachda, agus foighide [bhur]
mhuinighne ann ar Dtighearna Jósa
Críosd, a bfiadhnuisi Dé eadhon ar Na-
thair.
4 Ar mbeith fios bhur dtoghasa aguinn,
a dhearbhráithre as ionmhuin ré Día.
5 Oir ní a mbréithir amháin do bhí
an soisgéul do rinneamar a sheanmóir
dhaóibhse, achd a gcumhachd mar
an gcéudna, agus sa Sbiorad náomh, agus
a láindearbhthachd: do réir mar as
aithnigh dhibh an gléus ann a rabhamar
bhur measg ar bhur sonsa.
6 Agus do rinneadh luchd leanmhana
dhúinne agus don Tighearna dhibh, ar
ngabháil na breithre chuguibh a mbuái-
dhirt mhóir, maille ré gáirdeachas an
Sbiorad naoimh:
7 Ionnas go rabhabhair bhur neisiomp-
láiribh don mhéid agá bhfuil creideamh
a Macedónia agus a Nachaía.
8 Oir do clos fuáim bhréithre an Ti-
ghearna uáibhse amach, ní hé amháin
a Macedónia agus a Nachaía: ach do
leathnuidh bhur gcreideamh a Ndía sa
nuile áit mar an gcéudna, ionnas nach
bhfuil na ríachdanas oruinne éinní la-
bhairt.
9 Oir foillsighid féin oruinn, cionnas
do chúamar a steach chuguibhse, agus
an gléus air ar fhill sibhsé ó iodhaluibh
chum Dé, chum seirbhise do dhéunamh
don Día bheó fhírinneach:
10 Agus chum fuireach ré na mhac
ó neamh, noch do thóg sé suas ó mhar-
bhuibh, [eadhon] Jósa, shaorus sinne ón
bhfearg atá chum teachda.

CAIB. II.

Somola an fhir-theagaisc, 13 & na ndeagh luchd éisdeachd.

OIr atá a fhios aguibh féin, a dhear-
bhráithre, nár dhíomhaóin ar ndul
a steachne chuguibh:
2 Ach fós ar bhfulang dhúinn roimhe,
agus tar éis ar masluighthe a Bhfilipoi,
do réir mar as aithnigh dhibhse, do
rinneamar dánachd as ar Ndía féin, ré
soisgéul Dé do sheanmóughadh dhibhse
maille ré hiomad Sbárna.
3 Oir ní raibh ar dteaguísgne tré
mheallltóireachd, ná tré neamhghloine,
ná tré cheilg:
4 Achd amhuil fuáir Día dúil ionnuinn
ré cúram an tsoisgéil do chur oruinn, as
dá réir sin labhramaóid; ní mar dhruing
do ní toil na ndaoineadh, ach [toil] Dé,
dhearbhus ar gcroidhthe.
5 Oir ní dhearnamar ríamh sliom-
dóireachd bhríathar, mar as aithnigh
dhibhse, na leithsgéul sáinte: [atá] Día
dfiadhnuise air.
6 Agus níor iarramar glóir ó dhaói-
nibh, ná uáibhse, ná ó dhaóinibh eile:
biodh gur bhféidir linn trom do léigean
[oruibhse,] mar absdaluibh Chríosd.
7 Ach do bhámar caóin bhur measg.
8 Agus amhuil do bhíadh buime ag
altrom a cloinne, is mar sin, ar mbeith
dhúinne fonnmhar ionnuibhse, bá mian
rinn ní hé amhain soisgéul Dé do roinn
ribh, achd ar nanmanna féin mar an
gcéudna, do bhrígh go rabhabhair ro-
ionmhuin dhúinn.
9 Oir as cumhain libh, a dhearbh-
ráithre, ar sáothairne agus ar nanshógh:
óir ar mbeith dhúinn ag déunamh sao-
thair do ló agus doidhche, deagla ar
dtruim do léigean ar éunduine aguibhse,
do rinneamar soisgéul Dé do sheanmóir
dhaóibh.
10 As fiadhnuisighe sibhse agus Día,
créd é, a náomhtha, agus a chomh-
thruime, agus a neamhlochduighe do
iomchramar sinn féin eadruibhse, an
drung chreideas.
11 Mar as aithnigh dhibh cionnas
do bhímís ag teagasg agus ag furtachd
agus ag guidhe gach aóin fó leith a-
guibh, amhail [do dhéunadh] athair ré
na chloinn,
12 Ionnus go siubhalfadh sibh go cu-
bhaidh do Dhía, noch do ghoireas sibh
chum a ríoghachda agus a ghlóire féin.
13 Ar a nadhbharsin, bmídne mar
an gcéudna gan sgur ag breith bhui-
dheachais ré Día, do bhrígh ar ngabháil
bhréithre Dé chuguibh, noch do chúa-
labhair uáinne, gur ghabhabhair chu-
guibh é, ní mar bhréithir dhaonna,
ach (do réir mar atá sé go fírinneach)
mar bhréithir Dé, noch fós oibrigheas
ionnuibhse, an drung chreideas.
14 Oir a dhearbhráithre, do rinneadh
dhibhse luchd leanmhana eagluiseadh Dé
noch atá a dtír Iúdaighe a Níosa Críosd:
do bhrígh gur fhulaing sibh na neithe
céudna ó bhur luchd éintíre féin, amhuil
[do fhuilngeadarsan] ó na Iúduighibh:
15 Noch fós do chuir an Tighearna
Iósa chum báis, agus na fáidhe do bhí
aca

-ca féin, agus do rinne gérleanmhuin
oruinne: agus nach dtaitneann ré Día,
agus atá conntrárrdha do na huile
dhaoinibh:
16 Ag toirmeasg oruinne labhairt ris
na cineadhachuibh chum a slánuighthe,
chum bheith dhóibh ag sírlíonadh a bpea-
caigibh: òir táinic a nfearg orrtha
go síorruidhe.
17 Agus ar mbeith dhúinne dealuighe
ribh a dhearbhráithre, ar feadh tamuill
bhig, a bpearsuinn, ní a gcroidhe,
as móide do rinneamar dithcheall é,
chum bhur naighthe dfaicsin maille ré
iomad miana.
18 Uime sin bá mían rinn teachd chu-
guibh, (riumsa Pól go háirighe) uáir
no dhó, ach do chuir Sátan toirmeasg
oruinn:
19 Oir créd í ar muinighin, nó ar
ngáirdeachas, nó ar gcoróin ghlóire? a
né nach sibhse [iad] a bhfiadhnuise ar
Dtighearna Iósa Críosd, agá theachd?
20 As sibh go deimhin ar nglóir agus
ar ngáirdeachas.

CAIB. III.

Aithchuinghe Phóil, 10 arson meudughadh creideamh dhóibh.

AR a nadhbharsin ó nar bhféidir linn
congmháil oruinn ní búdh faide,
do chonncas dúinn gur bhindéunta ar
bhfagbháil a Nátens ar náonar.
2 Agus do chuireamar Timotéus ar
ndearbhráthair, agus minisdir Dé, agus
ar bhfear cabhartha a soisgéul Chríosd,
chum sibhse neartughadh agus do theag-
asg do tháobh bhur gcréidimh:
3 Ionnus nach biadh énnduine aguibh
corrbhogtha sna buáidhearthuibhse: óir
atá a fhios aguibh féin gur hórdui-
gheadh sinn chuige so.
4 Oir an tan do bhámar bhur bhfo-
chair, dinniseamar dhíbh roimh láimh,
go néiréochadh buáidhirt dhúinn, do réir
mar thárrla, agus atá a fhios aguibhse.
5 Ar a nadhbharso, ó nár bhféidir
leamsa congmháil oram ní budh fhaide,
do chuir mé [eision] chuguibh, chum
feala bhur gcreidimh dfaghháil, deagla
gur chuir an cathuigheóir cathughadh
oruibh a gcás ar bith, agus go mbiadh
ar saothairne díomhaóin.
6 Achd a nois go déigheanach, ar
dteachd do Thimotéus uaibhse chuguin-
ne, agus ar dtabhairt dheaghtheisde ar
bhur gcreideamh agus ar bhur ngrádh
dhúinn dò, agus go bhfuil deaghchoimh-
ne aguibh oruinn, ar mbeith dhíbh do
shior fonnmhar ar sinne dfaicsin, amhuil
atámuidne fós ribhse.
7 Dá bhrígh sin a dhearbhráithre,
fúaramar furtachd bhur dtáobh ann ar
nuile bhuáidhirt agus ríachdanas, tré
bhur gcreideamh:
8 Oir atámuidne a nois béo, dá
seasuidh sibhse sa Dtighearna.
9 Oir créd é an buidheachas as
féidir linne do thabhairt mar mhalairt
do Dhía ar bhur sonsa, do bhrígh a
nuile gháirdeachais thríbhse a bhfiadh-
nuise ar Ndé féin,
10 Dá íarruidh dathchuinghe go ro
dhithchiollach do ló agus doidhche
bhur nadhuigh dfaicsin, agus uireas-
bhuidh bhur gcreidimh do leasughadh?
11 Agus go dtréoruidhe Día féin
eadhon ar Nathair, agus ar Dtighear-
na Iósa Críosd sinn sa slighe dhírigh
chuguibhse.
12 Agus go méuduighe an Tighear-
na sibh, agus go dtuguidh só deara
dhíbh líonadh a ngrádh dhá chéile, agus
do na huile dhaoinibh, do réir mar
atámuidne fós dibhse.
13 Chum bhur gcroidheadh do
dhaingniughadh neimhchiontach a
náomhthachd a bhfiadhnuisi Dé eadhon
ar Nathar, a dteachd ar Dtighearna
Iósa Críosd maille ré na nuile náo-
mhuibh.

CAIB. IV.

*Iarrsa sè orra, 11 a ngnothuighe féin do dhea-
namh, 13 & gan na marbh do ro-chaóineadh.*

TUilleadh eile a dhearbhráithre,
cuirmíd dimpidhe agus dath-
chuinge oruibh trés an Dtighearna
Iósa, sibh theachd ar bhur nadhuigh
ní sa mhó ná chéile, do réir mar
fúarabhair uáinne an gléus air ar cóir
dhaóibh siubhal, agus toil Dé do dhéu-
namh.
2 Oír atá a fhios aguibh créd íad
na haitheanta thugamar dhaóibh trés
an Dtighearna Iósa.
3 Oír a sí so toil Dé, sibhse do
bheith náomhtha, ionnus go seachno-
chadh sibh sdríopachas:
4 Agus fios do bheith ag gach áon
aguibh ar a shoitheach féin do chong-
mháil a náomhthachd agus a nonóir:
5 [Agus] ní a bhfonn ainmhíanach,
amhuil [do níd] na cineadhacha, ag nach
bhfuil éolas Dé.
6 Gan leathtrom, na meabhail do
dhéunamh [déinneach] air a dhearbh-
rathair, óir do ní Día díoghaltus sna nei-
thibhse uile, do réir mar a dubhramar
cheana ribh, agus do rinneamar dfiadh-
nuisi.
7 Oír ní chum neamhghloine do ghoir
Día sinn, ach chum náomhthachda.
8 Ar a nadhbharsin an tí chuireas a
neamhshuim [na neithesi,] ní a nduine atá
neamhshúim aige, ach a Ndía, noch fós
tug dhúinne a Sbiorad náomhtha féin.
9 Achd a dtáobh ghrádh bhráithreamhuil
ní bhfuil sibhse a riachdanas sgríobhadh
chuguibh: óir do teaguisgeadh sibh ó
Dhía, chum a chéile do ghrádhughadh.
10 Agus fós do níthí an ní céudna
do na huile dhearbhráithribh ar feadh
na Macedónia uile: Gidheadh íarrmuid
dathchuinge oruibh a dhearbhráithre,
teachd ar bhur nadhuigh ní sa mhó na
chèile:
11 Agus bhur ndithchioll do dhéu-
namh

namh ré bheith ciúin, agus re bhur
ngnothuighibh féin do dhéunamh, agus
ré ſaothrughadh dhíbh ré bhur lámhuibh
féin, do réir na naitheantadh thugam-
airne dhíbh:
12 Chum ſibh féin díomchar go
cubhaidh a dtáobh na druinge [atá]
don táobh amuith, agus ionnus nách
bíadh uireasbhuidh éinneithe oruibh.
13 Agus a dhearbhráithre, ní háill
leam ainbhfios do bheith oruibh a dtáobh
na muintire atá na gcodladh, ionnas
nach déunadh ſibh doilgheas, mar an
drung ag nách bhfuil muinighin.
14 Oir má chréidmíd go bhfuáir
Jóſa bás agus gur eiſéirghe ſé, as
amhluidh ſin fós bhéuras Día an
drung chodlus a Níoſa, ma ráon ris.
15 Oir a deirmíd ſo ribh a mbréi-
thir an Tighearna, nách rachmuidne an
luchd atá béo, do ſáigeadh go teachd
an Tighéarna, roimh an luchd atá na
gcodladh.
16 Oír tiucfuidh an Tighearna féin a
nùas ó neamh, maille ré gáir, ré guth a
narchaingil, agus ré ſdoc Dé: agus
eireóchuid na mairbh a Gcríoſd ar tús.
17 Na dhíaigh ſin inne ſhúighfighear
béo, ſuáidéochar ſúas ſinn ma ráon
ríuſan ſna néulluibh, chum teagmhála
don Tighearna ſa naíeur: agus mar
ſin bhíam go ſíorruidhe a bhfochair an
Tighearna.
18 Uime ſin tuguidh furtachd dhá
chéile ris na bríathruibhſe.

CAIB. V.

An ghnā uamhuighte is fearr, 11 *fa choinne
an lá dheireannuigh.*

GIdheadh a dhearbhráithre, ní bhfuil
na ríachdanus oruibh ſgríobhadh
chuguibh, a dtáobh aimſireadh agus
mhóimenteadh.
2 Oir atá a ſháirfhios aguibh féin,
go dtiucfuidh lá an Tighearna, mar
ghaduighe ſa noidhche.
3 Oir an tan déuruid ſiad, Síoth-
cháin agus neambáoghal: tiucfuidh
ſgrios obann orrtha an tan ſin, mar
thig iodhana go mnaói thorruidh,
agus ní bhéuruid iad féin as.
4 Gidheadh a dhearbhráithre, ní bhfuil
ſibhſe a ndorchadas, ionnus go dtiucfadh
an lá ſin oruibh mar ghaduidhe.
5 As clann na ſoillſe ſibh uile, agus
clann an laói: ní clann do noidhche,
ná don dorchadas ſinn.
6 Uime ſin ná déunam codladh do
nós cháich, ach déunam faire agus
bíom meaſárrdha.
7 Oir an dream chodlas, is ann ſa
noidhche chodluid ſiad: agus an dream
ar a mbi miſge, is an ſa noidhche
bhíd ar miſge.
8 Gidheadh ſinne atá ar gcloinn ag
an lá bímid meaſſárrdha, ar gcur éi-
digh ochda an chreidimh agus an
ghrádha iomuinn, agus mhúinighne an
tſlánuighthe mar chlogaid.
9 Oir ní chum feirge dórduigh Día
ſinn, ach chum an tſlánaighthe do ghno-
dhughadh tré ar Dtighearna Jóſa Críoſd,
10 Noch do fuair bás air ar ſon,
ionnus, mas dúſachd nó codladh dhúinn,
go mairfemís na fhochairſion.
11 Uime ſin teaguiſgidh a chéile,
agus follamnuighidh a chéile, amhuil do
ní ſibh mar an gcéudna.
12 Agus íarrmuid dathchuinghe oruibh
a dhearbhraithre, aithne do bheith
aguibh air an luchd do ní ſaothar bhur
meaſg, agus atá ós bhur gcionn ſa
Dtighearna, agus theaguiſgeas ſibh:
13 Agus grádh ro dhíoghraiſeach do
bheith aguibh dhóibh, ar ſon a
noibre. Bighidh ſíothchánta eadruibh
féin.
14 Agus guidhemid ſibh a dhearbh-
ráithre, teaguſgaidh ná daóine mīrīa-
ghalta: tugaidh furtachd don lagchroi-
dheach: iomchraidh ris a nanbhfann:
bighidh foighideach ris a nuile dhuine.
15 Tuguidh aire ribh nách déan
éinneach olc a nadhuigh uilc ar bith:
ach leanuidh an mhaith do ghnáth, do
bhur dtáobh féin, agus do tháobh na
nuile dhaóineadh.
16 Bíodh gáirdeachas oruibh do
ſhíor.
17 Bighidh ag úrnuighe gan ſgur.
18 Beirídh buidheachas ſna huile
neithibh: óir a ſí ſin toil Dé a Nioſa
Críoſd bhur dtáobhſa.
19 Ná múchaidh an Sbiorad:
20 Ná tuguidh neamhſhùim a bhfáidh-
dheadóireachd.
21 Dearbhuidh] na huile neithe:
congmhuidh an ní [bhías] maith.
22 Seachnuidh gach uile choſamh-
lachd uilc.
23 Agus go ndéarna Día na ſíothcháin
féin náomhtha ſibh go hiomlán: agus
go gcoimheudthar bhur ſpiorad, agus
bhur nanam, agus bhur gcorp go
builighe ó chiontaibh, go teachd ar
Dtighearna Jóſa Críoſd.
24 As díleas an tí do ghoir ſibh,
noch fós do dhéunas [ſin.]
25 A dhearbhráithre, déanuidh úr-
nuighe air ar ſoinne.
26 Teannuidh ribh na dearbhráithre
uile maille ré póig náomhtha.
27 Cuirim dúalach oruibh a bhfiadhnuiſe
an Tighearna, a neipiſdilſe do léughadh
do na dearbhráithribh náomhtha uile.
28 Gráſa ar Dtighearna Jóſa Críoſd
maille ribh. Amen.

DARA EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA DTESSALONICANACH.

C A I B. I.

*...is díola na bhfírén, 5 a néaraic a mbuái-
...treadh, re teachd Chríosd.*

POL agus Silbhánus & Timo-
téus, chum eagluise na Dtes-
salónicánach, a Ndía ar Nath-
air, agus sa Dtighearna Jósa
Críosd.
2 Grása maille ribh agus síothcháin
ó Dhia ar Nathair, agus ón Dtighearna
...a Críosd.
3 A tá dfiachuibh oruinn buidheachas
do bhreith ré Día do shíor, ar bhur
...sa a dhearbhráithre, mar as iomchu-
...idh, do bhrígh go bhfuil bhur
...eideamh ag fás go líonmhar, agus
...idh gach aóin aguibh uile ag
...ughadh dhá chéile:
4 Ionnas go ndéunmaóidne féin
...dháil bhur dtáobhsa a neagluisíbh
Dé, ar son bhur bhfoighide agus
...r gcreideimh ann gach géirleanmhuin,
& gach buáidhirt iomchras sibh;
5 Comhartha sollas ar cheart bhrei-
...eamhnuis Dé, ionnus go measfuidhe
...r fiu sibhse ríoghachd Dè, ar son a
...dtí fós ag fulang:
6 Oír as ní ceart ag Día, malairt
...uidheartha do thabhairt don druing
...uaidhreas sibh:
7 Agus suáimhneas díbhse fhuilngeas
...idhirt ma ráon rinne, an tan fhoill-
...ochas an Tighearna Jósa é féin ó neamh,
...aille ré na aingliblh cumhachdacha.
8 A dteine lasarrdha, ag déunamh
dioghaltuis ar a ndruing ag nach bhfuil
eólas Dé, & nách dtabhair umhlachd do
...oisgéul an Dtighearna Jósa Críosd:
9 Noch ghéubhus pionós an damn-
...ughthe shíorruidhe, ó adhuigh an Ti-
ghearna, agus ó ghlóir a chumhachd:
10 An tan thiucfus se chum glòire
dfagháil ann a náomhuibh, agus chum a
dhéanta iongantach sna huile dhaóinibh
chreideas (do bhrígh gur chreideadh a
bhfiadhnuisi do rinneamairne eadruibhse)
a lá sin.
11 An tádhbhar sa ndéunmuidne fós
urnuighe do shíor ar bhur sonsa, ionnus
go measfadh ar Ndía gur fiu an ghairmse
sibh, & go gcoimhlíonfadh sé deagh-
thoil a mhaitheasa go huilidhe, & obair
an chreidimh maille ré cumhachduibh.
12 Ionnas go ndéantaói ainm an Dti-
ghearna Jósa Críosd glórmhar ionnuibhsi,
agus sibhse annsan, do réir ghrás ar
Ndé, agus an Tighearna Jósa Críosd.

C A I B. II.

*Tairrgheir a ttaobh 3 thosach, 4 fhás, 8 ar
scrios an Aintichríosd.*

AGus iarrmuid dathchuinghe oruibh
a dhearbhráithre, trè theachd ar
Dtighearna Jòsa Críosd, agus ar gcomh-
chruinnighne chuigesion.
2 Gan bheith dhíbh go hobann so-bhog-
tha ó ninntinn[atá aguibh,]ná bheith buái-
dheartha, ó spioruid, ná ó bhréithir, ná
ó litir, mar [do thiucfadh si] uainne a-
mhuil do bhiadh lá Chríosd do láthair.
3 Ná mealladh éunduine sibh ar
ghléus ar bith: óir ní thiucfa an lá
sin] muna dtiucfaidh tréigean ar tús,
& go bhfoillseochar an duine peacthach,
mac an damnuighe,
4 An námhuid do áirduigheas é féin
ós cionn gach neithe dá ngoirthear Día,
nó do nithear onórughadh: ionnas go
suighse sé mar Dhía a dteampoll Dé,
dhá chur a gcéill gur Día é féin.
5 A né nach cumhuin libh, ar mbeith
dhamh fós bhur bhfochair, go ndubh-
airt mé na neithese ribh?
6 Agus a nois atá a fhios aguibh
créud is toirmeasg ann, chum a fhoill-
sighthe ann a ám féin.
7 Oir atá rúindíamhair na neimhdhía-
ghachda ag oibriughadh cheana: amháin
an tí thoirmisgeas a nois,[cuirfidh sé toir-
measg,] nó go dtógaibhthear as lár é.
8 Agus foillséochar an tan sin an
duine neimhdhíaghasin, noch chlaóiseas
an Tighearna ré Sbiorad a bhéil, agus
sgriosfus sé ré déallradh a theachd:
9 [Eadhon an tí] agá bhfuil a
theachd ó oibriughadh Shatáin, maille ris
a nuile chumhachd, & ré comharrthuibh,
agus ré hiongantuibh bréige:
10 Agus maille ris a nuile mheall-
tóireachd eugcóruidh, a measg na druinge
théid a mugha: do bhrígh nár ghabhadar
grádh na firinne chuca, chum a slánaighthe
11 Agus air a nadhbharsa cuirse Día
chuca oibriughadh bríoghmhar seachráin,
ionnus go ccreidfidís an bhréug.
12 Ionnus go ndaimeontaói an méid
uile nár chreid a firinne, ach agá
raibh a ndúil a néugcóir.
13 Gidheadh atá dfiachuibh oruinne,
buidheachas do bhreith do shíor ré
Día ar bhur sonsa, atá grádhuighthe ón
Dtighearna, ar a nadhbhar gur thogh
Día sibh ó thosuigh chum slánaighthe,
tré náomhthachd na Spioruide, agus
tré chreideamh na firinne:
14 Chum ar ghoir sé sibh tré ar
soisgéalne, chum gnodhuighe ghlóire ar
Dtighearna Jósa Críosd.
15 Uime sin a dhearbhráithre, seasuidh
go daingean, & congmhuidh na toirbhear-
ta fúarabhair, noch do múineadh dhíbh,
tré bhreithir nó tré ar neipisdilne.
16 Agus gó dtuguidh an Dtighearna
féin Iósa Críosd, agus Día eadhon ar
Nathair, noch do ghrádhuigh sinn, agus

tug

tug [dhúinn] comhfhurtachd síorruidhe agus muinighin mhaith tré ghrás,
17 Furtachd do bhur gcroidhthibh, agus go ndaingnidhe sé sibh sa nuile bhréithir agus dheaghobair.

CAIB. III.

Beatha, 7 mhiriaghaltach, 10 díomhaoin, 14 & droch comhlúadar, do sheachna.

TUilleadh eile a dhearbhbhráithre, guidhidh oruinne, ionnus go mbiadh cumus reatha ag bréithir an Tighearna, agus go ndéuntaói glórmhar é, do réir mar (atá] aguibhse:
2 Agus chum sinne sháoradh ó dhroch-dhaoinibh, gan fharas: Oír ní ag gach éinneach [atá] creideamh.
3 Gidheadh atá an Tighearna díleas, noch dhaingnéochas, agus choimhéudfus sibh ó olc:
4 Agus atá muinighin aguinn sa Dtighearna bhur dtáobhsa, go ndéunann, agus go ndéunsa sibh na neithe áithnighmid dibh.
5 Agus go dtréoruidhe an Tighearna bhur gcroidhthe sa tslighe dhírigh chum grádha Dé, agus chum feithcheamh go foighideach ré Críosd.
6 Agus do bheirmíd fógra dhíbh, a dhearbhbhráithre, a nainm ar Dtighearna, Jósa Críosd, sibh féin do dhealughadh ré gach dearbhráthair shiubhlus go míriaghalta, agus ni réir an teaguisg fuair sé uainne.
7 Oír atá a fhios aguibh féin cionnas as cóir sinne leanmhuin: óir níor iomchramar sinn féin go míriaghalta eadruibhse.
8 Agus ní a naisgidh do itheamar arán ó aóin neach: ach maille ré saothar agus ré hanshógh, ag déunamh oibre do ló agus doidhche, deagla ar dtruim do leigean ar áon neach aguibhse.
9 Ní hé nach bhfuil úghdarrás aguinn, achd ionnus go ndéunamaóis eisiomplair dhinn féin díbhse, chum sinne leanmhuin.
10 Oír fós an tan do bhámar eadruibh, do áithneamar so dhíbh, eadhon Má atá aóinneach ris nách áill obair do dhéunamh, ná hitheadh bíadh mar an gcéudna.
11 Oír do chluinmid go bhfuilid daóine áirighe ag siubhal eadruibh go míriaghalta, nách déun obair ar bith, ach shaitheas íad féin a neithibh nach beanann ríu.
12 Do bheirmid fógra dhá samhuil sin, agus íarrmuid orrtha tré ar Dtighearna Iósa Chríosd, a narán féin dithe dhóibh, ag saothrughadh maille ré suáimhneas.
13 Agus ná bighidhse a dhearbhráithre, tuirseach do dhéunamh maitheasa.
14 Agus má atá duine ar bith nach dtabhair umhlachd dár mbréithirne sa neipisdilse, cuiridh comhartha air: agus seachnuidh a chomhlúadar, ionnus go mbiadh adhnáire air.
15 Tairis sin, ná biodh meas námhad aguibh air, ach teaguisgidh é mar dhearbhráthair.
16 Agus go dtuguidh Tighearna na síothchána féin síothcháin dhíbh do shíor ar gach éunchor. An Tighearna maille ribh uile.
17 Beatha agus sláinte [chuguibh] re mo láimhse Pól, noch as comhartha ann gach éin eipisdil: is mar so sgríobhuim.
18 *Grása* ar Dtighearna Iósa Críosd maille ribh uile. Amén.

CEUD EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM TIMOTEUS.

CAIB. I.

Teagasg míotharbhach do sheachna; 15 & adhbhar theachd Críosd don tsaoghail, do sheanmhrughadh.

POL absdal Jósa Críosd do réir órduigh Dé ar slánaightheóir, agus an Tighearna Jósa Críosd, ar muinighin.
2 Chum Timotéuis mo mhac grádhach sa gcreideamh: grása [maille riot,] trócaire, agus síothcháin ó Dhia ar Nathair, & ó Jósa Críosd ar Dtighearna.
3 Amhuil do chuir mé áimpidhe ort, comhnuidhe a Nephesus, ar ndul go Macedonia dhamh, ionnus go dtiubharthá fógra uáit do dhruing áirighe, gan atharrach teaguisg do thabhairt úatha:
4 Ná aire do thabhairt do chumadóireachd sgéul, ná do sheanchusuibh neimhchríochnuighthe, noch bhrosduigheas ceasdanna ní sa mhó na follamnughadh díagha tre chreideamh.
5 Oír a sé as críoch don náithne grádh ó chroidhe ghlan, & ó choinnsías mhaith, & ó chreideamh neamhfhallsa.
6 Na neithe ó ndeachuidh dream áirighe ar seachrán, agus do fhilleadar chum díomhaoinis cainte:
7 Bá mían ríu bheith na ndoctáiribh an dlighe, agus fós ní thuigid créd a deirid féin, ná na neithe dheimhnighid síad.
8 Gidheadh atá a fhios aguinne gur maith an dligheadh, dá leanuidh duine go dlisdeanach é.
9 Ar mbeith fhios so aige, nach do dhuine cheart órduighthear an dligheadh, ach don druing aindlightheach easumhal, do dháoinibh neamhdhiagha agus do pheacthachuibh, do dháoinibh neamhnáomhtha agus neamhghlana, do luchd fionghuile do dhéunamh ar a naithreachuibh agus a maithreachuibh, do luchd dúnmharbhtha.
10 Do sdríopthachuibh, do dháoinibh míonádúrtha, do ghaduighibh dáoineadh, do dháoinibh bréugacha, do luchd a néithigh, agus má tá ní ar bith eile contrárdha do theagusg fhalláin.
11 Do réir shoisgéil ghlórmhair Dé bheannuighthe, do fágbhadh táobh riumsa:
12 Ar a nadhbharsin beirim buidheachas ris an tí do neartuigh mé, Jósa

Críosd

Críoſd ar Dtighearna: do bhrigh gur
mheas ſé mo bheith díleas, dom chur
a minioſdralachd.
13 Ar mbeith dhamh roimhe um fhear
ſabhartha blaiſphéimeadh, & um fhear
géarleanmhana do dhéunamh [ar a
eagluis,] agus um dhuine eugcórach;
ach do rinneadh trócaire oram, ar a
adhbhar gur tré ainbhfios do rinne mé
é ar dhith creidimh.
14 Ach do mhéuduigh grása ar Dti-
ghearna go ro líonmhar [ionnam,] maille
ré creideamh, agus ré grádh a Nioſa
Críoſd.
15 As fírinneach an rádh, agus as
fiú é ar gach éunchor gabháil ris: go
dtáinic Jóſa Críoſd ar a tſaoghal chum
peacthach do ſhlánughadh, agá bhfuilimſe
am cheann orrtha.
16 Gidheadh as uime ſo do rinneadh
trócaire oram, ionnus go dtaisbéunfadh
Íoſa Críosd ionnamſa ar tús, a nuile
fhoighid, chum go mbéinn um eisiom-
pláir don druing chreidſeas annſan, chum
na beatha marrthannuigh.
17 Uime ſin don Rí ſhíorruidhe, mharr-
thannach, dhofhaicſigh, don Dia atá na
aonar eagnuidhe, [go raibh] onóir agus
glóir, go ſaoghal na ſaoghal. Amén.
18 Fágbhuim a náithneſe agad, Thi-
motéuis a mhic, do réir na bhfaidhea-
doireachda do rinneadh ort roimhe ſó,
chum mhaith do dhéunamh dhuit thrío-
tha.
19 Ar mbeith chreidimh agus chogúis
mhaith agad: noch ar na thréigean do
dhruing áirighe, do luingbhriſeadar ſan
chreideamh.
20 Agar ab díobh Himenéus, agus
Alexandar: noch tug miſi uáim do
Shatán, ionnus ar mbeith dhóibh ſmachd-
uighe, go bhfoghlamaidiis gan blaiſ-
phéime do labhairt.

CAIB. II.

Onóir duocbdaramhibh; 9 Culaidh iomchubhuidh, 11, & ciunas na mban & theaguſg choitchionn do thabhairt uatha.

Uime ſin teaguiſgim thair gach
éinní, athchuinghe, guidhe, ur-
mighe, [agus] altughadh ar ſon na
nuile dhaoineadh.
2 Ar ſon na Ríghtheadh, agus ar ſon
na nuile agá bhfuil cumhachda; chum
ar mbeatha do chaitheamh go ſuaimh-
neach ſíothchánta dhúinn, a nuile
chráibhtheachd agus chneaſdachd:
3 Oír is maith agus is geanamhuil ſo
a bhfiadhnuiſe Dé ar ſlánaightheóir.
4 Ré ar mían na huile dháoine
ſhlóradh, agus iad theachd chum eólais
na fírinne.
5 Oír is áoin Ndía [atá ann,] & áon
eidirmheadhonthóir eidir Dhía agus
dháoinibh, [eadhon] an duine Íoſa Críoſd.
6 Noch tug é féin na fhúaſgladh ar
ſon na nuile [dháoineadh:] mar fhiadh-
nuiſe a nám iomchubhaidh:
7 Chum ar hórduigheadh miſi um
ſheanmóntuigh & um abſdal, (lábhruim
a nfírinne a Gcríoſd, ní dhéunuim
bréug) um fhear teaguiſg na gcinea-
dhach, a gcreideamh & a bhfírinne.
8 Uime ſin as mían rium na fir
do dhéunamh úrmuighe ſa nuile áit, ag
tógbháil ſúas a lámh náomhtha, gan
fheirg, gan amharus.
9 Agus na mná mar an gcéud-
na do chur éuduigh iomchubhaidh iompa
maille ré hadhnaire & ré macántus; ní
ré grúaig chaſda, ná ré hór, ná ré
péurlaighibh, ná ré culuigheachuibh mór-
luáidh;
10 Ach (mar is cúbhaidh do mhnáibh
gheallus crábhadh) ré deaghoibrighibh.
11 Déunadh an bhean foghluim a
gciunus maille ris a nuile umhlachd.
12 Oír ní thuguim cead do mhnáoi
teaguſg do thabhairt uáithe, ná ceannas
do bheith aice ós cionn a nfir, ach
bheith na tochd.
13 Oír a ſé Adhamh do cruthui-
gheadh ar tús: agus na dhiáigh ſin
Eúbha.
14 Agus ní hé Adhamh do meal-
ladh; achd ar mbeith don mhnáoi ar
na mealladh, a ſí bá ciontach ré
briſeadh na háithne.
15 Gidheadh ſlaineóchar í ré breith
chloinne, dá gcomhnuighid ſiad a gcrei-
deamh, & a ngrádh, & a náomhthachd
maille ré macántus.

CAIB. III.

Deagh choinghiolla mbiniſdreadh na Heag-luiſe.

AS rádh fírinneach ſo, Má atá fonn
ar áoinneach oifig Easbuig do
ghlacadh, íarruidh ſé obair mhaith.
2 Uime ſin as cóir Deasbog a bheith
neamhlochdach, na fhior éunmhná, na
dhuine fhaireach, mheaſarrdha, mhacánta
dháonnachdach, réidh chum teaguiſg:
3 Gan bheith roſhonnmhar a bhfíon, gan
bheith buáilteach, gan dúil do bheith aige
a neudáil neamhghloin: ach bheith ceann-
ſaigh, neamhcheannaireach, neamh-
ſhanntach:
4 Agus na dhuine ríaghluigheas a thigh
féin go maith, agá mbí a chlann fá umh-
lachd maille ris a nuile thrómghachd:
5 (Oír munab eól do neoch a thigh
féin do riaghlughadh, cionnas bhías
cúram eagluiſe Dé air?
6 Gan bheith dhó na noibhíſeach, deagla
ar mbeith dhó líonta dúabhar, go dtuit-
feadh ſé a ndamnughadh an diabhail.
7 As cóir dhó fós deaghtheiſd do
bheith air ag an druing atá a muith:
deagla go bhfuigheadh ſe ſgannuil, & go
dtuitfeadh ſé a ndul an diabhail.
8 Mar an gcéudna [as cóir] do na
deochánuibh bheith trómdha, gan a
dteanguidh líom, leachd; gan bheith ro
fhonnmhar a bhfíon, ná dúil do bheith
aca a néudáil neamhghloin:
9 Ag congmháil ſheicréide an chrei-
dimh a gcoinnſias ghlan. 10 Agus

10 Agus déuntar íad ſo do dhearbhadh
mar an gcéudna ar tús, ná dhíaigh ſin
déunuid minioſdrálachd, má gheibhthear
neamhlochdach íad.
11 A mná már an gcéudna trómgha,
neamhthathúoireach, ſuaimhneach, ion-
ruic ſna huile neithibh.
12 Bíodh na deocháin na bhſea-
ruibh áon mhná, ag ríaghlughadh a
gcloinne agus a dtightheadh féin go
cubhaidh.
13 Oir an dream do ní minioſdrá-
lachd go maith, gnodhuighid ſíad céim
maith dhóibh féin, agus dánachd mhór
trés an gcreidheamh atá a Níoſa
Críoſd.
14 Sgríobhuim na neitheſe chugad, ar
mbeith dhamh muinighneach ré
theachd go haithghearr a ttionnſoighe.
15 Ach ma nim muill ré theachd,
chum a ſheaſa do bheith agad, cionnas
as cóir dhuit thú féin diomchar a dtigh
Dé, eadhon eagluis Dé bhí, poſda agus
daingean na fírinne.
16 Agus gan amharus as mór ſeicréid
na díaghachda: Do rinneadh Día follas
ſa ccolainn, do foillſigheadh é na
ſhiréun ſan Sbioruid: do chonncas
é ré hainglibh, do rinneadh a ſhean-
móir do na cineadhachuibh, do crei-
deadh dhó ſa ſaoghal, [agus] do
gabhadh ſúas é chum glóire.

C A I B. IV.

*Tairrgir attáobh ſhuarchreidheamh, & chra-
bhadh choimhigheach na naimſire deigh-
ionnach.*

Achd a deir an Sbiorad go follas,
go dtréigfidh dream áirighe an crei-
deamh ſna haimſearuibh deigheanacha,
ag tabhairt aire do ſbioradruibh ſeachrá-
nacha, & do theaguſguibh deamhan,
2 Tré chlúainereachd luchd labhartha
na bréige, ar mbeith dá ccoinnſíaſuibh
ar na loſgadh ré híarann dearg,
3 Noch thoirmiſgeas póſadh, an bíadh
do ſheachna, noch do chruthuigh Día
chum a chaithmhe maille ré haltughadh,
don druing chreideas agus agá bhfuil
fios na fírinne.
4 Oir as maith gach ní do chruthuigh
Día, agus ní cóir éinní deiteach, ach
go ngabhthar é maille ré breith bhui-
dheachuis.
5 Oir do níthear níomhtha é tré bhréi-
thir Dé, agus tré urnuighe.
6 Dá gcuiridh tú na neitheſi a gcéill
do na dearbhráithribh, biáidh tú ad
mhiniſdir mhaith Díoſa Críoſd, ar
mbeith dhuit oilte a mbríathruibh an
chreidimh, agus an teaguſg mhaith,
dhár lean tú.
7 Gidheadh ſeachain ſgéula fábhuill
neamhdhiagha, cailleachúla: agus cleachd
thú féin chum diaghachda.
8 Oir as beag an tarbha a dtéid an
cleachdadh corpardha: achd is tar-
bhach an díaghachd chum na nuile nei-
theann agá bhfuil gealladh na beatha
atá a lathair, agus chum teachda.
9 As rádh fírinneach ſo, agus atá ſé
ionghabhála ris ar gach éunchor.
10 Oir as uime do nimid ſaothar, &
imdheargthar ſinn, do bhrígh go bhfuil
ar muinighin a Ndía bhí, agar ab é as
fear ſaortha dó na huile dháoinibh, go
mórmhór don druing chreideas.
11 Fógair agus teaguiſg na nei-
theſe.
12 Ná bíodh tarcuiſne ag áoinneach
ar hóige, ach bí mar eiſiomplair don
druing agá bhfuil creideamh, a mbréi-
thir, a gcoinbhearſáid, a ngrádh, a ſbio-
ruid, a gcreideamh, [agus] a bhſíor-
ghloine.
13 Go teachd damhſa tabhair haire do
léughthóireachd, do theaguſg, [agus]
dſoirceadal.
14 Ná léig faillidhe ſa dtíodhlacadh
atá ionnad, noch tugadh dhuit tré fái-
dheadóireachd maille ré leagadh lámh
na ſinnſear.
15 Smuáin ar na neithibhſe, comh-
nuigh ionnta: ionnus go mbíadh do
theachd ar hadhuigh follas do na huile
dháoinibh.
16 Tabhair aire dhuit féin, agus do
theaguſg: comhnuigh ionnta: Oír dá
ndéuna tú ſin, ſaorfuidh tú thú féin, &
an drong éiſdeas riot.

C A I B. V.

*Modh thabharta na nachmhaſan: 3 onóir ſia
is cubhaidh do bhaintreabhachaibh diadha,
17 & do Shinnſearaibh na Heagluiſe.*

NA himdhearg ſeanóir, ach teaguiſg
é mar athair: [agus] na hóg-
nuigh mar dhearbhráithre:
2 Na mná áoſda, mar mháithre, agus
na mná óga, mar dheirbhſheathracha,
maille ris a nuile fhíorghloine.
3 Tabhair onóir do bhaintreabha-
chuibh, noch ata na mbaintreabhacha
dhá ríribh.
4 Gidheadh má tá baintreabhach ar
bith agá bhfuil clann, no clann chlói-
ne, déunuidís foghluim ar tús, ar iad
féin thaiſbéunadh go díagha ann a dtigh-
thibh féin, & ar mbalairt do thabhairt
dá dtuiſmightheóiribh: óir is ní maith
geanamhuil ſo a bhfíadhnuiſi Dé.
5 Agus an bhean atá na baintreabh-
uigh dhá ríribh, agus ar na fágbháil na
háonar, cuiridh ſí a muinighin a Ndía,
agus comhnuidhe ſí do ló & doidhche
a nguidhe agus a núrnuighibh.
6 Achd an bhaintreabhach do bheir í
féin do mhacnus, aír mbeith dhí beó,
atá ſí marbh.
7 Uime ſin, áithin na neitheſe dhóibh,
ionnus go mbeidís neamhlochdach.
8 Agus má atá aonduine nách dtug
ſoláthar dá dháoinibh féin, agus go mór-
mhór do luchd a thighe, do ſhéun ſé an
creideamh, agus is meaſa é ná neach gan
chreideamh.
9 Toghthar baintreabhach nach bí ſí
ſa lugha ná trí fichid bliadhan dáois, do
bhí ná mnaoi éinſ hir:

10 Ag

10 Ar a raibh teisd mhaith as a deagh-
righthibh: má rinne sí a clann dóil-
mhuin, má ghlac sí dáoine air áoi-
eachd, má dionnuil sí cosa na náomh,
má thug sí fóirighthin do luchd ansóigh,
má lean sí do ghnáth gach deaghobair.
11 Ach diúltuigh na baintreabha-
chi óga: óir ar mbeith dhóibh mac-
sach a nadhuigh Chríosd, is mían
ís pósadh;
12 Agá bhfuil damnughadh na
ionn, do bhrígh gur thréigeadar an
chreideamh.
13 Agus fós ar mbeith dhóibh dío-
mhaoin, foghlumuid síad dul sa gcúairt
thigh go tigh: agus ní hé amháin
beith díomháoin, ach bíodánach mar
an gcéudna, agus dá sáthadh féin sna
neithibh nach beanann ríu, ag rádh
an theann nach bí ionnráidh.
14 Uime sin as toil leam na mná
óga, fir do phòsadh, clann do bhreith,
ire do thabhairt do ghnothuighibh an
tighe, [agus] gan cionfátha ar bith do
thabhairt do náidhbhersèóir ré labhairt
go holc.
15 Oír do fhilleadar dream áirighe
cheana ar a nais a ndiáigh Shatáin.
16 Má atá fear nó bean don druing
chreideas, agá bhfuilid baintreabhacha,
tuguidis dóibh fóirighin a ríachdanuis, &
ná biodh a muirighin ar a neagluis, ionnus
go mbiadh go lór aice ré thabhairt do
na fíorbhaintreabhachuibh.
17 Na sinnsir ríaghluigheas go
maith, bíodh meas orrtha gur fíu onóir
dhúbalta íad: go mórmhór an luchd
saothruigheas sa mbréithir agus a
dteaguisg.
18 Oír a deir an sgriobtúir, Ná cuir
casgal ar bhéul an daimh bhrisios an
arbhar. Agus As fíu an toibrighe lúach
a shaothair.
19 Ná gabh casáoid a nadhuigh shea-
nóra, gan fíadhnuisí deisi nó trír.
20 An dream pheacuidheas, imdhearg
iad a bhfíadhnuisi cháich uile, ionnus go
mbiadh eagla an chuid eile mar an
gcéudna.
21 Cuirim dúalach ort a bhfíadhnuisi
Dé, agus an Tighearna Jósa Críosd,
agus na naingeal toghtha, na neithese
choimhéud, gan suim do bheith agad a
neach seach ar oile, gan ní ar bith
dhéanamh dhuit go cláon.
22 Ná cuir lámha go hobann ar aóin-
neach, & ná bí pártach ré péacuighibh
dháoineadh eile: connaimh thú féin glan.
23 Ná hibh uisge ní sa mhó, ach
deichd beagan fíona ar son do ghaile,
agus héugcruás minic.
24 Bíd peacuighe dháoineadh áirighe
follas roimh láimh, ag dul rompa chum
breitheamhnuis: leanuid a bpeacuidh
dream eile:
25 Mar an gcéudna fós bíd deagh-
obre follas roimh láimh: agus na
hoibreacha atá ar ghléus eile, ní féidir
a bhfolach.

CAIB. VI.

Luchd na teaguisg eattrom, 4 do sheachna, 6 ach éudáil na díaghachd do ghnothughadh.

TUgadh gach a bhfuil do shearbhsho-
gantuighedhibh faói chuing, meas
gur fíu a maighisdreagha a nuile onóir
[dfaghail,] ionnus nach bhfuigheadh ainm
Dé agus a theagusg sgannail.
2 Agus an dream agá bhfuilid maigh-
isdreadha deaghchreidmheacha, ná bíodh
tarcuisne aca [orrtha] do bhrígh gur
dearbhráithre iad: ach go madh móide
dhéanuid seirbhís, do bhrígh go bhfui-
lid síad deaghchreidmheach, grádhach,
agus pártach sa dtiodhlacadh. Múin &
teaguisg na neithese.
3 Dá dtabhruidh áoinneach atharrach
teaguisg úadha, agus nach dtabhair áon-
ta do bhríathruibh falláin ar Dtighearna
Jósa Críosd, agus don teagusg, atá réir
dhíaghachda,
4 Atá sé uáibhreach gun fios áoin-
neithe aige, achd é ar sáobh céille a
dtimcheall cheasdann, agus imreasan
focal: tré na dtig míosguis, connsbóid,
anchaint, droch bharamhla,
5 Diosbóireachd chíapálach dhaóineadh
truaillígh na ninntinn, agus atá dealuigh-
the ris a nfírinne, agus shaóileas gur
díaghachd a néudáil. Dealuidh ré na
samhuil sin do dhaóinibh.
6 Gidheadh is éudáil mhór díaghachd,
maille ré neach a bheith sásuigh ré na
staid féin.
7 Oír ní thugamar ní ar bith linn
air a tsáoghal, is follas fós nach féidir
linn éinni bhreith as.
8 Uime sin an feadh atá bíadh agus
éudach aguinn ar fághail, go madh
lór linn é.
9 Ach an dream lér mían bheith
saidhbhir, tuitid síad a gcathughadh
agus a ndul, agus a níomad ainmhían
éigcéillidhe díoghbhalacha, noch mhúch-
as daóine a sgrios agus a milleadh.
10 Oír a sé grádh a nairgid fréumh
na nuile olc: noch ar mbeith do
dhruing áirighe dhá shanntughadh, do
chúadar ar seachrán ón gcreideamh,
agus do tholladar iad féin thríothadh
ré híomad doilghis.
11 Ach tusa, óglaóich Dé, seachuin
na neithese: agus lean dfíréuntachd, do
dhíaghachd, do chreideamh, do ghrádh,
dfoighid, [agus] do cheannsachd.
12 Déun comhrac maith sa gcreideamh:
beir greim ar an mbeatha mharrthan-
nuigh, chum ar goireadh thú, agus ar
a ndearnuidh tú admháil mhaith a lá-
thair mhòráin dfíaghnuibh.
13 Aithnim dhíot a bhfíadhnuisi Dé
bhéodhuigheas na huile neithe, & Jósa
Críosd noch do rinne fíadhnuisi [agus]
admháil mhaith a láthair Phuinc Phío-
laid:
14 Na haitheantasa do choimhéud gan
cháidh:

cháidh gan lochd, go teachd ar Dtighearna Jósa Críosd.

15 Noch fhoillseochas na ám féin an tí atá beannuighe, eadhon an Coimhdhe cumhachdach na áonar, Rí na rightheadh, & Tighearna na dtighearnadh :

16 Agá bhfuil an neamhmarbhthachd na áonar, atá na chomhnuidhe sa tsoillse nách féidir a rochduin, nách bhfacuidh duine riamh, agus nách bhféudann fhaicsin : onóir agus cumhachd síorruidhe dhó. Amen.

17 Fógair don druing atá saidhbhir sa tsáoghalsa, gan bheith áirdinntinneach, ná a muinighin do chur a saidhbhreas neamhbhuain, ach sa Día bheó do bheir dhúinne go saidhbhir na huile neithe chum a ccaithmhe.

18 Maith do dhéunamh, bheith saidhbhir a ndeaghoibrighthibh, éusguidh na gcuid do thabhairt úatha, agus do roinn maille ré cumann :

19 Cisde chur a dtaisge ar fhondaimeint mhaith dhóibh féin, ré haghuidh na haimsire atá chum teachda, chum na beatha marrthannuigh do ghnodhughadh dhóibh.

20 O a Thimotéuis, coimhéid an ní fágbhadh táobh riot, [agus] seachain cíapáil bhríathar neamhdhíagha gan éifeachd, & conntrarrdhachd ealadhan, nách bhfuil ach na hainm ealadhna.

21 Noch ar mbeith do dhruing áirighe dhá hadmháil, do chúadar ar seachrán a dtimchioll an chreidimh. Grása maille riot. Amén.

DARA EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM TIMOTEUIS.

CAIB. I.

Grasa Dè do bhiodhgadh súas tré chleachdadh, agus urnuighe ; 13 agus Sompla na mbriathar fhallain attaobh creideamh agus gradh, do chonmbáil.

POL absdal Jósa Críosd tré thoil Dé, do réir ghealllamhna na beatha, atá a Níosa Críosd.

2 Go Timotéus an mac ionmhuin, grása, trócaire, [agus] síothcháin ó Dhía Athar, agus ó Jósa Críosd ar Dtighearna.

3 Bheirim buidheachas ré Día da ndéanuim seirbhís ag leanmhuin luirg na sinnsear maille ré coinnsías glan, sa chuimhne bheith agam ortsa do ghnáth am úrnuighibh do ló agus doidhche :

4 Ar mbeith dhamh fonnmar an thusa dfaicsin, an tan chuimhnighim ar do dhéuruibh, ionnus go mbéinn líonta do gháirdeachas :

5 Ar mbeith cuimhneach dhamh ar an gcreideamh neamhfhallsa atá ionnad, noch do bhí na chomhnuidhe ar tús ann do sheanmháthair Lois, & ann do mháthair Eunice : agus is deimhin leam a bheith ionnadsa mar an gcéudna.

6 Ar a nadhbharsa cuirim a gcoimhne dhuit, tiodhlacadh Dé atá ionnad, tré chur mo lámhsa ort, do bhíodhgadh súas.

7 Oir ní Sbiorad eagla tug Dhía dhúinne, ach [Sbiorad] cumhachd, agus grádh, agus sláinte inntinne.

8 Uime sin ná bíodh adhnáire ort fá fhíadhnuise ar Dtighearna, ná am thimchiollsa as príosúnach ar a shon : ach bíodh do chuid agad do bhuáidhirt an tsoisgéil do réir chumhachd Dé ;

9 Noch do sháor sinn, agus do ghoir sinn maille ré gairm náomhtha: ní réir ar noibrightheadh, ach réir a chinnidh féin agus a ghrás, noch do tugadh dhúinn a Níosa Críosd roimh chruthughadh an domhuin :

10 Achd atá a nois ar na fhoillsiughadh tré theachd deallruigheach ar Dtighearna Jósa Críosd, noch do dhíbir an bás, agus tug beatha & neamhthruáilleadh chum soillse trés an tsoisgéul.

11 Chum ar hórduigheadh misi um sheanmóntuigh, agus um absdal, agus um dhoctúr na gcineadhach.

12 An tadhbhar fá a bhfuilim ag fulang na neitheannsa : gidheadh ní bhfuil adhnáire oram : Oír atá a fhios agum cá dhár chreid mé, & as deimhin leam gur féidir leis an ní dfág mé táobh ris, do choimhéud sa chomhair an láoi úd.

13 Bíodh agad sompla fírinneach na mbríathar bhfalláin do chualuidh tú uáimse a gcreideamh agus a ngrádh a Níósa Críosd.

14 Coimhéid an taisge mhaith do fágbhadh agad, trés an Sbiorad náomh chomhnuigheas ionnuinn.

15 Atá a fhios so agad gur thréigeadar luchd na Hásia uile misi : agár ab dhíobh Phigellus, agus Hermogenes.

16 Go dtuguidh an Tighearna trócaire do thigh Onesiphoruis : óir tug sé fúaradh go minic dhamhsa, agus níor ghabh adhnaire é fam shlábhradh.

17 Achd ar mbeith dhó sa Róimh, do lorgair sé mé go ro dhíthchiollach, agus fuáir sé mé.

18 Go dtuguidh an Tighearna dhósan trócaire dfághail ón Dtighearna sa ló úd. Agus atá a sháirfhios agadsa, créd é a mhéud do fhoir sé oram a Nephesus.

CAIB. II.

Curam, 6 foighide 22 geanmnuidheachd, 24 & ceannsachd na Minisdreadh.

UIme sin a mhic, bíle láidir sa ngrás atá a Níosa Críosd.

2 Agus na neithe do chúaluidh tú uáimse a láthair mhoráin dfiaghnuibh,

táobh

...ibh na neithe céudna ré dáoinibh disle
...ch bhías foirtill ar dhaoinibh eile do
...eaguisg mar an gcéudna.
3 Uime sin fulaingse ansógh mar
...ighdiur maith Jósa Críosd.
4 Ní chreaplúighear éinneach dá leanann
...n cogadh, ré gnothuighthibh na bea-
...sa, ionnus go ndéanadh toil an tí do
...ogh é na shaighdiúr.
5 Agus fós má ní áoinneach Sbáirn,
...curthar coróin air, muna dhearna sé
...áirn go dlisdionach.
6 As éigean don treabhthach saothar
...dhéunamh suil do gheibh sé na tórtha.
7 Smuáin ar na neithibh a deirim: &
...o dtuguidh an Tighearna tuigsi dhuit
...n huile neithibh.
8 Cuimhnigh gur eiséirghe Jósa Críosd
... mharbhuibh, do shíol Daibhí, do réir
...o shoisgéilse:
9 Ar son a bhfuilim ag fulang uilc go
...ibheannuibh, mar fhear drochghníomha
...dheadh ní bhfuil bríathar Dé ceanguilte.
10 Uime sin iomchruim na huile
...eithe ar son na druinge atá ar na
...togha, chum an tslánaighe atá a Níosa
Críosd do ghnodhughadh dhóibhsion
...ar an gcéudna, maille ré glóir shíor-
...idhe.
11 As rádh fírinneach so: Oir más
...iís dúinn na fhochair, búdh marthuinn
...dúinn mar an gcéudna na fhochair:
12 Má nimíd fulang, bíam a ríoghachd
...ar an gcéudna maille ris: dá séunam
..., séunsa seision sinne mar an gceud-
...a:
13 Má nách ccreidmídne, fanaidh
...eision díleas; ní féidir leis é féin do
...héuna.
14 Cuir na neithesi a gcuimhne
[dhóibh,] agus aithin díobh a bhfiadh-
...uisi an Tighearna, gan bheith ag ciapáil
a dtimchioll focal, gan tairbhe air bith,
ach buaidhreadh don druing éisdeas.
15 Déun díthchioll ar thú féin do
thaisbéunadh ionmholta do Dhía, a thior
oibre nách tig a leas adhnáire do
bheith air, ag gearradh bhreithre na
fírinne go comhthrom.
16 Toirmisg ciapáil bhríathar neamh-
dhíagha gan éifeachd: oir tiucfuidh ar a
nadhuigh chum tuillidh neimhdhia-
gachda.
17 Agus biáidh a mbríathar ag cnáoi
mar chancar: agár díobh Himenéus
agus Philétus:
18 Noch a dtáobh na fírinne do chuáidh
ar seachrán ón gcomhartha, ag rádh Go
ndeachuidh a neiséirghe thoruinn cheana:
& sgriosas creideamh dhruinge áirighe.
19 Gidheadh fanuidh fonndameint
dhaingean Dé ar bun, aga bhfuil an
séulasa, [eadhon] Go bhfuil fios a mhuin-
ntire féin ag an Dtighearna; agus gach
áon ghoireas ar ainm Chriosd, seachnadh
sé a néugcóir.
20 Gidheadh a dtigh mór bid, ní hé
amháin soithighe óir agus airgid, ach fós
soithighe croinn agus críadh: cuid díobh
chum onóra, agus cuid eile chum neamh-
onóra.
21 Uime sin, dá nglana neach ar bith
é féin úatha so, biáidh sé na shoithеach
chum onóra, ar na dhéunamh náomhtha,
oireamhnach don Tighearna, ullamh
chum gach uile dheaghoibre.
22 Seachuin mar an gcéudna ainmía-
na na hóige: agus lean dfíréuntachd,
do chreideamh, do ghrádh, do shíothcháin
maille ris an druing ghoireas air an Dti-
ghearna ó chroidhe ghlan.
23 Agus seachain ceasda éigcéillidhe
neamhfhoghlomtha, ar mbeith a fheasa
agad go mbrosduighid siad ceannar-
ruic.
24 Oir ní cóir do shearbhfhoghan-
tuidhe an Tighearna bheith ceannarrai-
ceach, ach bheith ceannsa ris na huile
dhaoinibh, réidh chum teaguisg, ag
iomchar ré drochdháoinibh:
25 Ag teagusg na druinge bhíos
conntrarrdha dhá inntinn, maille ré
ceannsachd: dféuchain an dtiubhradh
Dia aithrighe dhóibh uáir ar bith, chum
na fírinne dadmháil:
26 Agus teachd ar a nais, ó dhul an
diabhail, agá bhfuilid gabhtha, mar is
áill leis féin.

C A I B. III.

Na haimseara baoghlach ré teachd. 16 *Fós aighdar & eifeachd na nSgriobtúr.*

AGus biodh a fhios so agad, go dtiucfuid aimseara baoghlacha sna
laethibh déigheanacha.
2 Oir béid dáoine rocheanamhuil orrtha
féin, sanntach, aidhbhéil, díomsach, ith-
iomráiteach, easumhal dá naithribh & dá
máithribh, dombuidheach, neamh-
náomhtha.
3 Gan ghrádh nadúrtha, luchd droch-
choinghill, luchd éilighe bréugacha, neímh-
measardha, borb, gan ghrádh don mhaith,
4 Luchd bratha, mearrgánta, áird-
inntinneach, luchd ghrádhaigheas sáimhe
ní sa mhó ná Día:
5 Leigeas orrtha féin bheith díagha, ach
do dhiult do chumhachd na díaghachda.
Agus seachainse a samhuil sin.
6 Oir is don druingse an luchd bhíos
ag teultógh a steach a dtighthibh, agus
bheireas ríu a mbruid mná simplidhe
líonta do pheacadh, noch do threóruigh-
thear ré hainmhianuibh éugsamhla:
7 Ag foghluim do shíor, agus go
bráth gan teachd dhóibh chum eólais
na fírinne.
8 Agus do réir mar do chuir
Jannes agus Jambres a nadhuigh Mhaói-
si, as mar an gcéudna chuirid an
dreamsa a nadhuigh na fírinne: luchd
inntinne truáillighe, mearuighe a dtáobh
an chreidimh.
9 Gidheadh ní bhéuruid buáidh ní sa
mhó: óir biáidh a gcuthach follas do
na huile dhaoinibh, amhuil do bhí a
gcuthach súd mar an gcéudna.
10 Ach do lean tusa mo theagusgsa,
reim

réim mo bheatha, mo rún, mo chrei-
deamh, mo cheannſachd, mo ghrádh,
[agus] mfoighid,
11 An ghérleanmhuin, an pháis a dfu-
laing mé a Nantióchia, a Nicónium,
[agus] a Liſdra: créd é méid na gér-
leanmhana díomchuir mé: ach do ſhaor
an Tighearna mè uatha uile.
12 Agus fós an mhéid ler mían a
mbeatha chaitheamh go diagha a
Nioſa Críosd, fuileóngaid ſiad gér-
leanmhuin.
13 Ach na drochdháoine, agus na
mealltóirighe rachuid air a naghuidh ſa
nolc, ag mealladh, agus ar na mealladh
dhóibh.
14 Ach comhnuighſe ſna neithibh do
fhoghluim tú, agus do fágbhadh táobh
riot, ar mbeith a fheaſa agad cía ór
fhoghluim tú [íad.]
15 Agus ó bhí tú ad leanabh, go
raibh eólas na ſgrioptúir náomhtha agad,
lér féidir do dhéunamh eagnuidhe chum
ſlánaighe, trés an gcreideamh noch atá
a Nioſa Críosd.
16 Is ó Sbioruid Dé tháinic an
ſgriobtúir uile, agus is tarbhach é
chum teaguiſg, chum ſpreagtha, chum
ceartuighthe, chum foirceaduil na
fíréuntachda.
17 Ionnus go mbíadh óglach Dé
díongmhalta, & ullmhuighe go hiomlán
chum na huile dheaghoibre.

CAIB. IV.

Oifig bhuachaille na Heagluiſe, 7 agus caithreim dheireannach Phóil, tar éis buadhughadh.

Uime ſin cuirim dúalach ort a
bhfíadhnuiſe Dé, agus an Tigh-
earna Joſa Críosd, noch bhéuras breath
ar bheódhuibh agus ar mharbhuibh
agá theachd deallruightheach, agus ann
a ríoghachd:
2 Déuna an bhríathar do ſheanmóir;
bí dúthrachdach a nám, agus a nanám:
ſpreag, ſmachduighe, [agus] teaguiſg
maille ris a nuile cheannſachd agus
fhoirceadal.
3 Oir tiucfuidh aimſir nach biáidh
fulang aca ar theaguſg fhalláin: achd
ar mbeith dá gclúaſuibh líonta do tho-
chas, cruinneóchuid ſiad dhóibh féin do
réir a nainmían, iomad teaguſgóir.
4 Agus fillfid ſiad a gclúaſa ón
bhfírinne, agus geillfid do ſgéultuibh
fabhuill.
5 Gidheadh déunſa faire ſna huile
neithibh, fulaing anſhógh, déin obair
ſhoibhiſgéil, tabhair fá deara do mhi-
nioſdrálachd do bheith dearbhtha.
6 Oir atáimſe a nois féin dom
íodhbairt, agus is fógas damh aimſir
mimtheachda.
7 Do chomhraic mé comhrac maith,
ráinic mé ceann mo choimhleanga, do
choimhéid mo an creideamh,
8 O ſo amach atá coróin fhíréun-
tachda ar na taiſge fám chomhair,
noch bhéuras an Tighearna an bre-
theamh comhthrom dhamh, ſa ló úd:
agus ní dhamhſa amháin, ach mar an
gcéudna do na huíle dháoine ghrádhai-
gheas a theachd.
9 Déun deithneas ré theachd chugam
go haithghearr.
10 Oir do thréig Démas mé, ar
dtabhairt ghrádha don tſaoghal ſa a lá-
thair, agus do imthigh ſé go Teſſalonica,
Creſcens go Galátia, Títus go Dal-
mátia.
11 Atá Lucás na áonar um fhochair.
Ar mbreith dhuit ar Mhárcuis tabhair
leachd é: óir as ro ſhocrach dhamhſa
é chum minioſdrálachda.
12 Agus do chuir mé Tichicus ſiar
go Hepheſus.
13 An tan thiucfas tú tabhair leachd
an brat noch do fhág mé a Dtróas ag
Carpus, agus na leabhair, go háirighe na
meamruim.
14 As mór dolc do rinne Alexandar
an céard copair oram; go dtí-
guidh an Tighearna dhó réir a ghnío-
mharthadh.
15 Agus biſe mar an gcéudna ar
do choimhéud air: óir is mór do chuir
ſé a nadhuigh ar mbríathairne.
16 Ann mo chéud chosaintſe níor raibh
áonduine agam, ach do thréigeadar uile
mé: nar agrar orrtha é.
17 Gidheadh do ſheas an Tighearna
láimh rium, & do neartuigh ſé mé, ion-
nus go mbíadh ſeanmóir [an tſoiſgéil]
dearbhtha thríomſa, agus go gcluinfidís
na cineadhacha uile [í:] & do ſaoradh
mé ó bhéul a leomhain.
18 Agus ſaorſa an Tighearna mé
ó gach uile dhrochobair, & coimhéud-
fuidh mé chum a ríoghachda neamhdha
féin: glóir dhóſan go ſaoghal na ſaoghal.
Amén.
19 Beir beannachd chum Phriſca a-
gus Acuila, agus chum luchd tighe
Oneſiphoruis.
20 Do chomhnuidh Eraſtus a Gco-
rintus. Agus dfág mé Trophimus a
Milétum go héugcruaidh.
21 Déun deithneas ré theachd roimh
an ngeimhreadh. Cuiridh Eubulus, agus
Pudens, & Línus, & Cláudia, & na deár-
bhráithre uile a mbeannachd chugad.
22 [Go raibh] an Tighearna Jósa
Críosd maille réd sbioruid. Grása
maille ribh. Amén.

EPISTIL

EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM TITUIS.

CAIB. I.

... na ndeagh eaſbog & na ſeanóireadh; 12 re peacadh dúthaidh na Gcrétánuigh, & a ndheargadh.

POL ſearbhfhoghantuigh Dé, agus
abſdal Joſa Críosd, do réir chrei-
deamh dháoine thoghtha Dé, & admhála
na fírinne, noch atá réir dhiaghachda.
2 Chum muinighne na beatha mar-
thanaighe, noch do gheall Dia, ris nach
féidir bréug a dhéunamh, ſuil do cru-
thugheadh an domhan.
3 Ach do fhoillſigh ſé a bhriathar
a nam iomchubhaidh, tré ſheanmóir [an
tſoiſgeil] do ſagbhadh táobh riumſa, do
réir áithne Dé ar ſlánaightheóra:
4 Chum Tituis mo mhac ionmhuin, do
réir an chréidimh choitchinn, grása, tro-
caire, agus ſíothcháin ó Dhia Athair, a-
gus ón Dtighearna Jóſa Críosd ar ſlá-
naightheóir.
5 A ſé adhbhar fár fhág mé thú a
Crétá, ionnus go leanſá do cheartughadh
na neitheann atá fós gan cheartughadh, &
go nóirdeócha ſagairt ann gach cathair,
do réir mar do aithin mé dhíot.
6 Má atá neach ar bith neamhlochdach,
na fhior éun mhná, agá bhfuil clann
chreideamhach, nach féidir éilíughadh fá
neamhmeaſarrghachd, ná eaſumhal.
7 Oir as cóir eaſbog do bheith
neamhlochdach, mar fheadhmantach
Dé, gan bheith dhó ag rioth réir a thóla
féin, ná feargach, ná ró fhonnmhar a
bhfíon, ná buáilteach, ná dúil do bheith
aige a néudáil neamhghloin:
8 Ach na fhear tighe áoidheadh do
choungmháil, grádhach air dháoinibh
maithe, na dhuine aireach, chomhthrom,
náomhtha, mheaſarrgha:
9 Ag congmháil na bréithre díſle go
dáingean do réir theaguiſg, ionnus go
madh féidir léis teaguſg do thabhairt
uadh maille ré foirceadal falláin, a-
gus an dream labhrus na adhuigh do
bhréugnughadh.
10 Oir atáid iomad do dháoinibh
eaſumhla ann, labhras go díomhaoin, &
na mealltóiridh, go háirighe an luchd
atá don timchillghearradh.
11 Dár ab éigean a mbéul do ſtopadh:
dream chuireas tighthe go huilidhe
fá chéile, ag teaguſg neitheann nach
cóir, do ghrádh eudála neamhghloine.
12 A dubhairt neach áirighe dhíobh
féin, a bhfáidh díleas féin; Bréugairigh
do ghnáth na Crétánuigh, droch ain-
mhiteadha, builg mhall.
13 As fíor an fhiadhnuiſeſe: uime
ſin ſpreag íad go géur, chum a mbeith
diongmhálta ſa gcreideamh:
14 Agus gan aire do thabhairt do
ſgéaluibh ſibhuill na Núduigheadh, agus
daitheantuibh dáoineadh atá ar niom-
pógh on bhfírinne.
15 [Atáid] na huile neithe go deimhin
glan don druing atá glan: ach don
druing atá ſalach agus gan chreideamh
ni bhfuil éinni glan, ach fós atá a ninn-
tinn agus a ccoinnſias ſalach.
16 Admhuighid ſiad eòlas do bheith
aca air Dhia, gidheadh ſéunuid a ngnío-
mharthuibh [é,] ar mbeith dhóibh adh-
uathmhar, eaſumhal, agus mearuighthe a
dtáobh gach uile dheaghoibre.

CAIB. II.

Teaguſc & eiſiomlar Thituis ré bheith 11 do reir ſholuis an Tſoiſgeil, do nuile cháil dhaóine.

ACH labhairſe na neithe thig ré
teaguſg fallain:
2 [Eadhon] dáoine áoſda do bheith
aireach, trómgha, meaſargha, diong-
mhálta a gcréideamh, a ngrádh, [agus]
a bhfoighid:
3 Na mná áoſda mar an gcéudna
a naibíd iomchubhaidh do náomhthachd,
gan [bheith] na luchd éilighe go héug-
cóir, gan iad féin do thabhairt go hiom-
arcach dfíon, na luchd teaguiſg nei-
theann maith:
4 As go dtiubhradáois ſo deara do
na mnáibh óga bheith ſuaimhneach ann
a ninntinn, grádhach air a bhfearuibh &
air a gcloinn.
5 Meaſarrgha, geanmnuidh, comh-
nuigheach na dtighthibh, maith, umhal
dá bhfearuibh: deagla bhréithre Dé
do mhaſlughadh.
6 Teaguiſg na hóganuidh mar an
gcéudna fá bheith ſuáimhneach na
ninntinn
7 Taisbein thú féin ſna huile neithibh,
ad eiſiompláir dheaghoibrightheadh,
maille ré teaguſg neamhthruáillighe,
trómgha.
8 Briathar fhallàin nách féidir a loch-
dughadh: ionnus go mbíadh adhnáire
ar an tí chuireas bhur nadhuigh, ar
mbeith dhó gan droch ní ar bith aige
ré a radh bhur dtíobhſo.
9 [Teaguiſg] na ſearbhfhoghantuighidh
fá bheith umhal dá maighiſdrighibh, fá na
dtoil do dhéunamh ſna huile neithibh
gan cur a nadhuigh a mbriathar:
10 Gan éinni dhá gcuid do théultògh
úatha, achd a nuile choinghioll maith do
tháisbéunadh dhoibh, ionnus go ndéunai-
dis teaguſg Dé ar ſlánaightheóra tait-
neamhach ar gach éunchor.
11 Oir do ſhoillſigh grás Dé go
deallruigheach, do bheir ſlanughadh ris,
chum na nuile dháoineadh:
12 Ag tabhairt teaguiſg dháinne, fá
neamhdhíaghachd & ainmhian a tſao-
ghailſe do ſheachna, & fa ar mbeatha do
chaitheamh

chaitheamh dháinn go measarrgha, agus
go comhthrom, agus go diagha, sa tsao-
ghalsa a-láthair.
13 Ar mbeith dháinn ag fuireach ris
an muinghin bheannuighe, & re teachd
deallruigheach ghloire an Dé mhóir, ea-
dhon ar slánaightheora Jósa Críosd.
14 Tug é féin air ar son, chum ar
bhfuasgalta ó gach uile pheacadh, agus
chum ar nglanta, ionnus go mbeimís ar
pobal geanamuhil aige féin, ag leanmhuin
go dúthrachdach do dheaghoibrighibh.
15 Labhair, agus teaguisg na nei-
these: agus ceartuigh maille ris a nuile
úghdarrás. Ná tarcaisnigheadh éun-
duine thù.

CAIB. III.

Uaille Dé, agus deagh oibrighe do chur a gcuimhne; 9 ach ní biad ceasda éigcéillidhe.

CUir a gcuimhne dhóibh bheith
umhal dúachdaránachduibh agus
do chumhachduibh, urruim do thabhairt
úatha, bheith ullamh chum gach uile
dheaghoibre:
2 Gan neach ar bith do mhaslughadh,
gan bheith bruighneach, [ach] suaimh-
neach, ag taisbéunadh na huile cheann-
sachda do na huile dháoinibh.
3 Oír do bhamairne féin ar úairibh
éigcéillidhe, easumhal, ag dul ar sea-
chrán, ag leanmhuin daianmianuibh agus
danntoilibh eugsamhla, ag caitheamh ar
mbeatha a miosguis agus a dtnúth,
fúathughadh a chéile:
4 Achd an tan do fhoillsigh féile
agus grádh Dé ar slánaigheora do
dháoinibh,
5 Ní do réir na noibrightheadh bhfí-
réunnda do rinneamairne, ach do réir a
thrócaire fein do sháor sé sinn, tré ionn-
ladh na haithghineamhna, & tré ath-
núadhughadh an Spiorad náoimh.
6 Do dhóirt sé oruinn go saidhbhir, tré
Jósa Críosd ar Dtighearna:
7 Ionnas ar mbeith dhúinn air ar sáo-
radh tré na ghrásuibhsion, go ndeuntaoi
oighreadha dhinn do réir mhuinighne
na beatha marthannuighe.
8 As fírinneach an rádh so, & is áill
leam thú dheimhniughadh na neitheadh,
ionnus go mbíadh an dream do chreid do
Dhía, ro dhíthchiollach a ndeaghoibri-
ghibh do dhéunamh. As iad so na neithe
théid a sochar & a dtarbha do dháoi-
nibh.
9 Ach toirmisg ceasda éigcéillidhe, &
seanchuis, agus connsbóid, & imreasana
a dtimchioll an reachda; óir atáid
síad gan tarbha gan éifeachd.
10 An tí atá na eiriceach, tair éis
fógra no dhó thabhairt dó, seachuin é:
11 Ar mbeith a fheasa agad go bhfuil
a shamhuil sin do neoch ar ndul sa chéile,
agus go bpeacuigheann sé, ar mbeith dhó
damnuighe úadh féin.
12 An tan chuirfeas mé Artemas
chugad, nó Tichicus, déun deithneas ri
theachd chugam go Nicopolis; óir is
ann sin do chuir mé romham an geimh-
readh chaitheamh.
13 Seól uáid go dúthrachdach sa
tslighe Sénas an fear dlighe, agus A-
pollo, ar ghléus nách biáidh uireasbhuidh
éinneithe orrtha.
14 Agus déunuid an dream as
dinne mar an gcéudna foghluim ar
dheaghoibrighibh do dhéunamh chum
na ngnáthuightheadh riachdanach, ionnus
nach beidís neamhthoruidheach.
15 Cuirid a bhfuil um fhochairse uile
a mbeannachd chugad. Teann riot an
mhéid ghrádhuigheas sinne sa gcrei-
deamh. Grása maille ribh uile. Amen.

EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM PHILEMOIN.

CAIB. I.

Impidhe ar Philemoin, maitheamhnas fhior-Chriosduighe thabhairt dá òglach annsa díoghbhail do dhearnadh.

POL priosúnach Jósa Críosd,
agus an dearbhbhrathair Ti-
moteus chum Philémoin
ionmhuin, agus ar bhfear
cabhartha:
2 Agus chum Apphia
ghrádhach, agus chum Archippuis ar
gcoimhfhior coguidh, agus chum na
heagluisi atá ad thigh:
3 Grása maille ribh, agus síothcháin ó
Dhía ar nathair, agus ón Dtighearna
Jósa Críosd.
4 Beirim buidheachus rém Dhía, ag
sior chuimhneadh ortsa am urnuighibh.
5 (Do bhrígh go gcluinim iomrádh
do ghrádhasa, agus an chreidimh atá
agad a dtáobh an Tighearna Jósa, agus
a dtáobh na nuile náomh:)
6 Ionnus go mbíadh cumann do chrei-
dimh éifeachdach, a nadmhail na huile
mhaitheasa atá ionnuibh tré Jósa
Críosd.
7 Oír is mór an gáirdeachas agus an
sólás atá aguinn ann do ghrádhsa, do
bhrígh go bhfúaradar innighe na náomh
furtachd thriodsa, a dhearbhrathair.
8 Uime sin bíodh gur féidir leam
bheith ro dhána a Gcriosd, ris an ní atá
iomchubhaidh dáithniughadh dhiot:
9 Gidheadh cheana tré ghrádh, is usa
liomimpidhe chur[ort,] ar mbeith dhamh
mar Phól fhoirse agus a nois fós um
phríosúnach ar son Jósa Críosd.
10 Guidhim thu air son mo mhic
Onesimus, noch do ghein mé a ngéibh-
eannuibh.
11 An tí do bhí ar uairibh neamh-
tharbhach dhuit, ach a nois atá ró-thar-
bhach dhuitse agus dámhsa.
12 Noch do chuir mé ar a ais: agus
gabhsa chugad é, mar mo chroidhe féin:

13 Noch

13 Noch bá mían riumsa a chong-
bháil um fhochair féin, ionnus go
ndéanadh sé miniosdralachd damh a tio-
nadsa, a gcuibhrighibh an tsoisgéil.
14 Gidheadh níor áontuigh mé éinní
dhéanamh gan do thoilse, ionnus nach
biadh do mhaithse amhuil tré éigean,
ach do réir do thola féin.
15 As dóigh gur ab uime dimthigh
ar feadh tamuill, ionnus go nglacfa é
go sorruidhe;
16 Ní mar shearbhfhoghantuighe feas-
ta, achd ós cionn shearbhfhoghantuighe,
na dhearbhráthair ghrádhach, go háiri-
ghe dhamhsa: a né nach mó ná sin duitse
'san cholunn, & sa Dtighearna?
17 Uime sin má atá cumann ea-
durrad agus misi, gabh chugad é mar
mé féin.
18 Agus má rinne sé dioghbháil
ar bith dhuit, nó má dhligheann tú
éinní dhe, bíodh sé um leithse.
19 Misi Pól do sgríobh [so] rém láimh
féin, do bhéur díoluidheachd uáim: biodh
nach abruim riot, go ndlighim thú féin
fós ós a cheann sin, díot.
20 A seadh, a dhearbhráthair, sa-
ghuim gáirdeachas uáid sa Dtighearna.
Comhsurtuigh mo chroidhe sa Dtighearna.
21 Do sgríobh mé chugad ar mbeith
dhamh muinighneach as humhlachd, ar
mbeith a fheasa agam go ndéuna tú ní
sa mhó ná mar a deirim.
22 Agus maille ris sin, ullmhuigh
lóisdín damh: óir atá muinighin agum go
bpronnfuighear dhíbh mé tré bhur nur-
nuighibh.
23 Cuiridh Epaphras (mo chomhphríos-
súnach a Níosa Críosd;)
24 Marcus, Airistarchus, Démas,
[agus] Lucás, mo chomhluchd cabhartha,
a mbeannachd chugad.
25 Grása ar Dtighearna Iósa Críosd ré
bhur sbioruid. Amén.

EPISTIL PHOIL ABSDAIL CHUM NA NEABHRUIGHEADH.

CAIB. I.

...bhfuil Iósa Críosd ineissdeachd ris; ...a dhó bheith ós cionn na bhfágh & na ...aingeal.

DIA, noch do labhair a nallód go mi-
nic & ar mhoghuibh éugsamhla
...na haithreachuibh tres na fáidhibh,
2 Do labhair sé rinne sna laéthibh
...deanachasa trés an mac, do órduigh
...na oighre air a niomlán, tré ar
...chuigh sé fós an domhan:
3 Noch ar mbeith dhó na dheallradh
...ire, & na iomháigh fhíre a phear-
...sansan, & ag congmháil súas na nuile
...itheann ré breithir a chumhachd féin,
...glanadh ar bpeacuighne dhó thríd
...ein, do shuigh sé ar láimh dheis na
...órghachda sna hárduibh.
4 Ar mbeith dhó ar na dhéunamh ní
...ro óirrdhearca ná na haingil, ar gur
...oirrdhearca an tainm fuáir sé ná
...adsan.
5 Oir cía do na hainglibh ré a ndu-
...bhairt sé ríamh, As tú mo mhac, a
...niugh do ghin mé thú? & a rís, Biáidh
...é um Athair aige, águs biáidh seision
...na Mhac agumsa?
6 Agus a rís an tan do bheir sé a
...steach an chéidghin don domhan, a
...deir sé; Agus tuguid aingil Dé uile
...onóir dhó.
7 Agus a deir sé a dtáobh na nain-
...geal, Do ní sé a theachdaireadha do
...na sbioraduibh, agus a mhinisdreadha
...na teine lasarrgha.
8 Ach ris an mac [a deir sé, A Dhía,
...maíridh] do chathaoir ríoghasa go
saoghal na saoghal: is slat chomhthruim
slat do ríoghachdala.
9 Do grádhuigh tú an fhireuntachd
agus do fhúathuigh thú a néugcóir:
uime sin do ung Día do Dhía féin thú
ré hola an gháirdeachuis ós cionn do
chompánach.
10 Agus as tusa, a Thighearna, tug
fonndameint dhaingean don talamh ó
thús, agus a síad na flaitheamhnuis
oibreacha do lámh.
11 Rachuid siadsan as a gcruth, ach
fanuidh tusa: agus rachuid uile a gcai-
theamh mar éudach.
12 Agus fillfighear ar a chéile iad mar
bhrat, agus béid siad ar na gclaóch-
lúgh: achd as tusa an neach céudna,
agus ní rachuidh críoch ar do bhliadh-
nuibh.
13 Agus cía do na hainglibh ré a
ndubhairt sé ríamh; Suidh ar mo dheis,
nó go gcuiridh mé do naimhde na sdól
cos fúd?
14 A né nach sbiorada freasdail iad
uile, churthar a mach chum miniosdrá-
lachda ar son na druinge gheubhus oigh-
reachd an tslánaighthe?

CAIB. II.

Atá Críosd fos ion-úmhlughadh dó, 7 bhrígh gur ghabh ar nadúr bredite go brai-threambail chuige, 14 mar budh fheudh-mambail.

AR a nadhbharsa as cóir dhúinn
aire rodhúthrachdach do tha-
bhairt do na neithibh do chúalamar,
deagla a ligthe thrinn dúinn uáir ar
bith.

2 Oir má bhí an bhríathar do labh-
radh tres na hainglibh seasmhach, agus
má fuáir gach uile choir agus easumh-
lachd an lúach saothair do dhligheadar:
3 Cionnas rachmáoidne as má bhíonn
neamhshuim aguinn ann a chomhór so do
shlánughadh? noch do tionnsgnamh do
sheanmôrughadh ar tús ris an Dtighearna
féin, [agus] do deimhnigheadh dhúinn ris
an druing do chúaluidh é:
4 Ar mbeith do Dhía ag déunamh
coimhfhíadhnuise ríu maille ré comhar-
thuibh, agus ré hiongantuibh, agus ré
subhailcibh éugsamhla, agus ré tiodh-
laicibh an Sbiorad náoimh, do réir a
thola féin.
5 Oir ní thug sé do na hainglibh
ceannas an tsáoghail atá chum teachda,
ar a bhfuilmidne ag labhairt libh.
6 Ach do rinne neach a mónadh
áirighe fiadhnuise, ag rádh; Créd é an
ní an duine go mbeith coimhne agad
air: nó mac an duine, go mbiadh
dúil agad ann?
7 Do rinne tú é feadh sealuid bhig
ní sa ísle ná na haingil: do chuir tú
coróin ghlóire agus onóir air, agus do
chuir tú é ós cionn oibreach do lámh.
8 Do chuir tú na huile neithe síos fá
na chosuibh: Oir ar gcur na nuile nei-
theann fáoi dhó, níor fhág sé éinní gan
chur fáoi: gidheadh ní fhaicmid a nois go
fóill na huile neithe fá umhlachd dó.
9 Ach do chímid Jósa ar bhfághail
choróine glóire agus onóra, noch do
rinneadh feadh sealuid bhig ni sa ísle
ná na haingil, tré fhulang an bháis:
ionnas go mblaisfeadh sé tré ghrás Dé
bás ar son gach áoin.
10 Oir dob iomchubhaidh don tí ar
son [a bhfuilid] na huile neithe, agus
tré [a bhfuilid] na huile neithe, ar
dtabhairt mhóráin cloinne dhó chum
glóire, ceannurra a slánaighthe do dhéu-
namh iomlán tré bhuáidhearthuibh.
11 Oir an tí náomhus, agus an dream
do nithear náomhtha, is ó aon íad uile:
Uime sin ní ghabhann adhnáire é fa
dhearbhráithribh do ghairm dhíobh,
12 Ag rádh; Foillseóchuidh mé hainm
dom dhearbhráithribh, molfuidh mé thú
maille ré ceól a meadhón na heagluise.
13 Agus a rís; Cuirse mé mo mhuini-
ghin ann. Agus a rís; Féuch, misi &
an chlann tug Día dhamh.
14 Uime sin ó atá fuil agus feóil ar
na roinn ris an gclonn, do ghabh seision
mar an gcéudna a chuid díobh sin chuige,
chum an tí agá bhfuil cumhachd an
bháis, eadhon an diabhal, dionnar-
badh dhó tré bhás:
15 Agus chum sáoirsi do tha-
bhairt don mhéid do bhí feadh a
mbeatha tré fhaitcheas an bháis fá
chuing dháoirse.
16 Oir go deimhin, ní hé [nadúir]
na naingeal do ghabh sé uime, achd
a sé nadúir Abraham do ghabh sé uime,
17 Air a nadhbharsin bá cóir dhó
bheith cosmhuil ré na dhearbhráithribh
sna huile neithibh, ionnus go mbiadh sé
trócaireach, agus na ardshagart díleas
sna neithibh [bheanas] ré Día, chum
an phubail do ghlanadh ó na bpeacai-
dhibh maille ré na íodhbairt.
18 Oir do bhrígh air fhulaing sé, an
tan do cuireadh cathughadh air, is féidir
leis cabhair do thabhairt don druing ar
a gcurthar cathughadh.

C A I B. III.

Muna ccreidiom Díosa, neach rug barr ar Maiosi, 7 budh truime dhúinne, na an smachd fuáir Israel crúadh-chroidheach.

Uime sin a dhearbhráithre náomh-
tha, aga bhfuil bhur gcuid ranna
don ghairm neamhdha, tuguidh dhá
bhur naire absdal agus árdshagart ar
nadmhála, eadhon Jósa Críosd:
2 Noch do bhí díleas don tí do ór-
duigh é, amhuil do bhí Máoisi fós ann a
thighsean uile.
3 Oir measdar gur fíu an fearsa glóir
as óirdhearca ná Máoisi, an mhéid
gur mó onóir an tí thógbhas an tigh,
ná an tighe féin.
4 Oir ní bhfuil tigh ar bith nach duine
éigin thógbhus é: agus an tí do thóg
na huile neithese, sé Día é.
5 Agus go deimhin [do bhí] Máoise
díleas ann a thighsean uile, mar fhearbh-
fhoghantuigh, chum fiadhnuise na nei-
theann do bhí chum a labhartha:
6 Achd atá Críosd mar mhac a gceann-
nas a thighe féin: agár ab sinne a
thigh, má chungbhamuid go daingean go
teachd don chrích dheigheanuigh, dóth-
chas agus gairdeachas na muinighne.
7 Uime sin amhuil a deir an Sbiorad
náomh: A niugh má chluin sibh a ghuth,
8 Ná crúaidhighe bhur ccroidhthe a-
mhuil a ló na dibhfeirge, eadhon lá an
chathaighe sa bhfásach:
9 Sa náit ar chuireadar bhur naith-
reacha cathughadh oram, ar dhearbha-
dar mé, agus a bhfacadar moibreacha
ar feadh dhá fhichead blíadhan.
10 Uime sin do bhí ro fhearg oram
ris an gcineadh sin, agus a dubhairt mé:
Ataid síad do ghnáth ar seachrán ann a
gcroidhe, agus ní bhfuaradar eólas mo
shligheadhsa.
11 Ionnus go dtug mé mionna am
fheirg, nách rachdáois a steach am
shuáimhnios.
12 Tuguidh aire ribh a dhearbhráithre
nách biáidh droch chroidhe gan chrei-
deamh ag éinneach aguibh uáir ar bith,
ré dtuitfeadh sibh ón Día bheó:
13 Ach teagusguidh a chéile go lá-
theamhuil, an feadh ghoirthear an lá
niugh dhe: deagla éanduine aguibh do
dhul a gcrúas tré mheallaltóireachd an
pheacuidh.
14 Oir atá ar gcuid do Chríosd aguinn,
má chongmhamáoid go diongmhálta
céudthosach

chdthoſach na ſubſtainte go teachd don
chrích dheigheanuidh.
15 An feadh a deirthear, A niugh má
chluin ſibh a ghuth, ná cruaidhighe bhur
ccroidhthe amhuil a ló na díbhfeirge.
16 Oir ar na chluinſin do dhruing
áirighe, do bhróſduigheadar [an Tigh-
earna] chum ſéirge: biodh nách [dear-
nadar] uile an mhéid tháinic as a Néi-
gipt tré Mhaoiſe [mar ſin.]
17 Ach cía an dream ré a raibh a
fhearg ar feadh dhá fhichead bliadhan?
an é nách ris an druing do pheacuidh,
agár thuiteadar a gcuirp ſa bhfáſach?
18 Agus cía an dream dhá dtug ſé
mionna nách rachdaois a ſteach dhá
ſhuáimhnios, achd amháin don luchd do
bhí eaſumhal?
19 Agus do chímid nar bhféidir
ſin dul a ſteach tré mhíchreideamh.

CAIB. IV.

Coimhſhíneadh Shabbáide na Niuduigheach, & na Ncreidmheach, ré a chéile.

UIme ſin biodh faitcheas oruinn,
deagla ar dtréigean na geallamhna
air ár bith ré dhul a ſteach na ſhuáimh-
nios, go mealfuidh áoinneach aguibhſe
bheith air ſágbháil.
2 (Oir do ſeanmóruigheadh an ſoiſgéul
dúinne, amhuil do rinneadh dhóibhſion
mar an gcéudna: gidheadh ní dhea-
rnuidh an bhriathar do chúaladar a dtar-
bha dhóibh, do bhrígh nách raibh ſí ar
na cumuſg ré creideamh ſa druing do
chúaluidh [í.]
3 (Oir téighemidne an dream chreid-
ſeas a ſteach ſa tſuáimhnios) do réir mar
a dubhairt ſé; ar a nadhbharſin Tug
mé mo mhionna um fheirg, Nach ra-
chuid ſiadſan a ſteach am ſhuáimhnios;
biodh gur críochnuigheadh na hoibrea-
cha ó thús an domhain.
4 Oir do labhair ſé a nionadh áirighe
ar an ſeachdmhadh lá mar ſo: Agus do
chomhnuigh Día an ſeachdmhadh lá
ón a oibribh uile.
5 Agus ſa nionadhſa a rís, Ní rachuid
ſiad a ſteach am ſhuáimhnios:
6 Uime ſin do bhrígh go dtuigthear
as ſo go rachuidh dream áirighe a ſteach
ann, agus nach deachuidh an dream
dhár ſeanmóruigheadh an ſoiſgéul ar tús
a ſteach, tré eaſumhlachd:
7 Orduighe ſé a rís lá airighe, A niugh,
ag rádh a Ndáibhi; a ndiáigh a comh-
fhad ſin daimſir (mar a dubhradh,) A
niugh má chluin ſibh a ghuth, ná
cruáidhighe bhur gcroidhthe.
8 Oir dá dtugadh Ióſua ſuáimhneas
dóibh, ní laibheóradh ſé na dhiáigh ſo
air lá eile.
9 Uime ſin fágthar lá ſuáimhniosa ag
pobal Dé.
10 Oir an tí do chuáidh a ſteach
dhá ſhuáimhneas ſan, do chomhnuidh ſé
mar an gcéudna ón oibreachuibh, amhuil
do chomhnuigh] Día ón a oibreachuibh
ſein.
11 Uime ſin déunam dithchioll ré dhul
a ſteach ſa tſuáimhnios ſin, deagla
éunnduine thuitim ſa neſhomplair
chéudna eaſumhlachda.
12 Oir [atá] briathar Dé beó, agus
brioghmhar, agus ní ſa gheire ná
cloidneamh ar bith dhá fhaobhar, &
téid ſí thrín a ſteach go roinn a
nanma agus na ſbioruide, na nalt agus
an ſmeara ré chéile, agus is breathamh
í ar ſmuaintighibh, agus ar bhreathnui-
ghibh an chroidhe.
13 Agus ní bhfuil creatúr ar bith,
nach bhfuil follas na fhiadhnuiſiſion,
ach na huile neithe nochduighe ſoilléir
do ſhúilibh an tí ar a bhſuilmidne
ag labhairt.
14 Uime ſin ó atá árdſhagart mór
aguinn, do chúaidh a ſteach ſna neamh-
uibh, Ióſa mac Dé, congmham go daing-
gean a nadmháil.
15 Oir ní bhfuil árdſhagart aguinn,
ris nách féidir ar neugcruáis a mho-
thughadh, achd air ar cuireadh ca-
thughadh ſna huile neithibh a gcoſamh-
lachd [rinn,] gan pheacadh.
16 Ar a nadhbharſin déunam maille
ré dochas go hárdchathaóir na ngras
chum trócaire do ghnodhughadh, agus
ghrás dfaghail dúinn, chum furtachda
a nám riachdanais.

CAIB. V.

Oirdhearcus Shagartachd Íóſa Crioſd oſcionn na nuile.

OIr gach uile árdſhagart, thógthar ó
dháoinibh, Is ar ſon dáoineadh
orduighear é, a dtaobh na neitheann
bheanas ré Día, chum ofrála agus iodh-
bartha do dhéunamh ar ſon peacadh.
2 Noch agá bhfuil cumas lórthruai-
ghe do bheith aige don druing atá
ainbhfioſach agus ar ſeachrán, do bhrígh
go dtimchiolltar é féin mar an gcéud-
na déugcrúas:
3 Agus dá bhrígh ſo atá dfiachuibh
air iodhbairt do dhéunamh ar ſon na
bpeacadh, ar ſon an phubail, agus ar a
ſhon féin mar an gcéudna.
4 Agus ní ghabhann éunduine a
nonóirſe chuige féin, achd an tí atá ar
na ghairm ó Dhia, amhuil Aáron.
5 As mar an gcéudna ní úadh féin
do ghabh Críoſd a nonóirſe chuige, go
ndeuntáoi árdſhagart de, achd ón tí a
dubhairt ris; As tú mo mhac, a niugh
do ghein miſi thú.
6 Do réir mar a deir ſé fós a náit
eile; As ſagart thú go ſiorruidhe, do
réir uird Mhélchiſedec.
7 Noch a laethibh a fheóla, do fho-
ráil úrnuighe agus guidhe maille ré
héighmhe laidir agus ré déuruibh, ar an
tí agá raibh cumhachda a ſhábhartha ó
bhás, agus do héiſdeadh ris mar an
gcéudna tré na dheaghfhaitcheas:
8 Agus biodh gur bé an mac é,
dfoghluim ſé umhlachd as na neithibh
do fhulaing ſé:

9 Agus ar mbeith dhó ar na dhéu-
nam iomlán, do rinneadh úghdar an
tslánuighe shíorruidhe dhe do na huile
dháoinibh umhlaigheas dó:
10 Ar mbeith dhó ar na ghairm ó
Dhía, na árdshagart do réir uird Mhel-
chísedec.
11 Ar a bhfuil mórán aguinn re a labh-
airt do neithibh atá dóchurtha amach, do
bhrígh go bhfuil muill éisdeachda oruibhse
12 Oir sibhse dár chóir bheith bhur
luchd teaguisg do réir aimsire, as riachda-
nus dáoibh a rís sinne bhur dteagusg a
gcéudthosuighibh bhréithre Dé: & tárr-
la dhibh beith sa riochdsin gur mó atá
bainne duireasbhuidh oruibh, ná bíadh
láidir.
13 Oir gach áon chleachdas bainne, a-
tá sé neimhiúlmhar a mbréithir na fí-
réuntachda: (óir is náoidhe é.)
14 Achd is don luchd thig chum áoisi
fhoghnas an biadh laidir, agá bhfuilid a
gcéudfadha tré ghnáthughadh fhada ar
na gcleachdadh chum eidirdhealuighe
maitheasa agus uilc.

CAIB. VI.

Mór-Chuntabhairt cláonadh go neimh-Chreideamh, [& a rádh, Go b'airidh Críosd ar a chéusadh, mar mhealltoir ó Shatán, Math. 7. 22. c. 12. 24, 31.] Tar éis do dhuine mhioghráiseach, Críosd a admhail, no Spiorad na míorbhuilteadh dfaghbháil uaidh.

Uime sin ar léigean thoruinn dúinn
theaguisg chéudthosuigheadh Chríosd,
tigeam air ar nadhuigh chum bheith
diongmhálta: gan bheith dúinn a rís ag
cur fhonndameint na Haithrighe ó oib-
reachuibh marbha, & Chreidmhe a
dtáobh Dé,
2 Theagusg na Mbaisdeadh, & Lea-
guidh na lámh, & Eiséirghe na marbh,
& an Bhreitheamhnnis shíorruidhe.
3 Agus do dhéunam so, do chead Dé.
4 Oir an dream atá ar na soillsiu-
ghadh áon uáir amháin, agus fuáir blas
an tiodhluice neamhgha, agus lér
roinneadh an Spiorad náomh,
5 Agus do bhlais deaghbhríathar Dé, &
subhailcidhe an tsáoghail atá chum
teachda,
6 Agus atá ar dtuitim, ní féidir a
nathnuadhughadh a rís chum aithrighe:
do bhrígh go bhfuilid ag céusadh mhic
Dé a rís dhóibh féin, & ag sgige fáoi.
7 Oir an talamh shúigheas a nfear-
thuinn thig go minic air, agus do bheir
luibhionna úadha théid a dtárbha don
druing shaothruigheas é, do gheibh sé
beannachd ó Dhia:
8 Achd an talamh do bheir sgeathach
& driseach úadha, as díomolta, & is
fogus é dá bheith malluighe, agar ab
é a chríoch a losgadh.
9 Gidheadh a cháirde, atámuid deimh-
neach asuibhse sa neithibh is fearr ná sin,
agus as foigse don tslánughadh, bíodh go
labhramáoid mar so.
10 Oir ní bhfuil Día neamhchomh-
throm, go mbíadh dearmud aige ar bhur
nobair, agus air shaothar bhur ngrádha,
noch do fhoillsigheabhair dhá ainm, sa
miniosdrálachd do rinneabhair, & fós do
ní sibh do na náomhuibh.
11 Agus as mían rinn gach áon a-
guibh do thaisbéunadh na dúthrachda
céudna chum láindearbhtha an dóthchais
go deireadh.
12 Ionnas nách biáidh sibh lesgeamhail,
ach bhur luchd leanmhana ag an druing
agá bhfuil oighreachd na ngeallamhnach
tré chreideamh & tré fhoighid.
13 Oir an tan thug Día gealladh
Dábraham, bhrígh nár bhféidir leis
neach bá mó do thabhairt mar
mhíonnuibh, tug sé é féin mar mhion-
nuibh,
14 Ag rádh; Go deimhin ag bean-
nughadh beannócha mé thusa, agus ag
méudughadh méideócha mé thú.
15 Agus mar sin ar bhfuireach go
foighideach dhó, fuáir sé 'toradh na
geallamhna.
16 Oir go deimhin do bheirid dáoine
an tí is mó [na íad féin] mar mhionnuibh,
& as críoch air gach imreasain dóibh-
sion, mionna chum deimhnighthe.
17 As mar an gcéudna ar mbeith do
Dhía fonnmhar ar a chomhairle neamh-
chorruidh dfoillsiughadh go ro fhoirr-
leathan doighribh na gallamhna, do
dhearbhuidh sé é ré mionnuibh:
18 Ionnas tré dhá ní dhó-atharruidh,
ann nach féidir lé Día bréug do dhéu-
namh, go mbeith meanma láidir aguinne
ag rioth chum greamuighthe don dóth-
chas atá romhuinn:
19 Noch atá aguinn mar ancaire dai-
gean diongmhálta a nanma, agus théid
a steach go soithe a ní atá don táoibh
a stigh don bhrat.
20 Sa nait a ndeachuidh an céidrea-
thuighe air ar soinne [eadhon] Jósa, dá
ndearnadh árdshagart síorruidhe do réir
uird Mhelchísedec.

CAIB. VII.

Sagartacht Chríosd do réir Mhelchisedec, oirdheirc tar úird Aaroin.

Oir an Melchísedecsa Rí Shálem,
sagart an Dé is áirde, tharrla
sé Dábraham ar mbeith dhó ag fil-
leadh air ais ó ár na ríghtheadh, agus
do bheannuigh sé é:
2 Agus tug Abraham deachmhuigh na
nuile neitheann dó: noch dhá ngoirthear
ar tús ar na eidirmhíniughadh, Rí na
fíréuntachda, & na dhiáigh sin mar an
gcéudna, Rí Shálem, eadhon Rí na síoth-
chána:
3 Gan athair, gan mháthair, gan chi-
neadh, gan tosach laetheadh, ná deireadh
beatha aige: achd ar na chur a gco-
samhlachd mhic Dé, fanuigh sé na sha-
gart go síorruidhe.

4 Tuguidh

4 Tuguidh a nois do bhur naire créd
é méud an duinele, dhá dtug Abraham
féin an príomhbathair deachmhuigh na
héudála.
5 Agus go deimhin an dream do
chloinn Lébhi ghabhus an tságartachd
chuca, atá áithne aca réir an reachda,
deachmhuigh do ghabháil ón bpobal,
eadhon ó na ndearbhráithribh féin, biodh
go dtangadar ó leasrach Abraham.
6 Achd an tí nach áirmhighthear a
bheith déinchineadh ríusan, do ghlac sé
deachmhuigh ó Abraham, & do bheannuigh
sé an tí agá rabhadar na geallamhnacha.
7 Agus gan imreasuin ar bith, beannuighthear
a ní is lugha ón ní is mo.
8 Agus ann so glacuid na dáoine gheibh
bás, deachmhuigh: achd ann súd, an tí ré
ndearnadh fiadhnuise, go maireann sé.
9 Agus (do rádh na fírinne) tug Lébhi
féin, noch ghlacas an deachmhuigh,
deachmhuigh úadha a Nábraham.
10 Oir do bhí sé fós a leasrach a athar
an tan thárla Melchísedec dhó.
11 Ar a nadhbharsin dá dtigeadh iomláine
tré shagarthachd na Lebhiti, (óir
is ré linn na sagarthachda sin tugadh an
reachd don phobal,) créd fa raibh riachdanus
ní sa mhó ré sagart eile éirghe
ann, do réir uird Mhelchísédec, agus gan
a bheith dhó ar na ghairm do réir uird
Aáron?
12 Oir ar mbeith don tságartachd ar
na athrughadh, is éigean an reachd da
athrughadh mar an gcéudna.
13 Oir an tí air a labharthar na neithe,
is ré treibh eile bheanas sé, dá
nach dearnuigh éinneach miniosdralachd
ag a naltóir.
14 Oir as ní follas gur do [threibh]
Iúda do éirigh an Dtighearna, treabh ar
nar labhair Máoise éinní a dtáobh na
sagartachda.
15 Agus fós is móide as follás é, do
bhrígh go bhfuil sagart eile ar néirghe
ann a gcosamhlachd Mhelchísedec,
16 Dá nách dearnadh [sagart] réir
reachd na háithne colluidhe, ach réir
cumhachd na beatha síorruidhe.
17 Oir do ní [Día] fiadhnuise: As
sagart thú go síoruuidhe, réir uird Mhelchísedec.
18 Oir a náithne do bhí roimhe ann,
atá sí ar na cur ar gcúl, do bhrígh a
neirbhe & a neamhtharbhuidhe.
19 Oir ní dhéarna an reachd ní ar bith
iomlán, ach teachd a steach na muinighne
is fearr, tré na dtigmíd a bhfogus do Dhía.
20 Agus an mhéid nach gan mhionnuibh,
(óir do rinneadh sagairt díobhsan
gan mhionnuibh:
21 Achd don fhearsa, maille ré mionnuibh,
trés an tí a dubhairt ris; Tug an
Tighearna mionna, & ní ghéubhuidh aithreachas
é, As sagart thú go síorruidhe
réir uird Mhelchísedec.)
22 Do rinneadh go fíu a noirid sin,
urra an chonnartha is fearr, Iosa.
23 Agus do rinneadh iomad díobhsan
na sagartuibh, do bhrígh gur thoirmisg
an bás iad fhuireach:
24 Ach do bhrígh go maireann an
fearsa go síorruidhe, atá sagartachd
shíorruidhe aige.
25 Ionnus gur féidir leis, an dream
thig chum Dé thríd féin, do shlánughadh
go hiomlán, ar mbeith dhó beó go
síorruidhe chum eadarghuidhe do dhéunamh
ar a son.
26 Oir a sé shamhuil sin dárdshagart
dob iomchubhaidh dhúinne [do bheith
aguinn, noch atá] náomhtha, neimhchiontach,
gan cháidhe air bith, ar na
sgaradh ré peacthachuibh, agus do rinneadh
níos áirde ná na flaithis:
27 Ar nách bhfuil riachdanus go láetheamhuil,
mar [do bhí] ar na hárdshagartuibh
úd, iobhbartha do dhéunamh ar
tús ar son a pheacuigheadh féin, na dhiáigh
sin [ar son pheacuigheadh] an phobail:
óir do rinne sé so éunnuáir amháin,
an tan do rinne sé iodhbairt de féin.
28 Oir do ní an reachd árdshagairt do
dháoinibh bhíos eugcruáidh; ach do ní
briathar na mionn a ndiáigh an reachda
[árdshagart] don mhac, noch atá críochnuigh
go síorruidhe.

C A I B. VIII.

Sagartachd shiorraidh Chriosd, 7 & Connradh biothbhuan an Tsoisgel, ar gcur sagartachd Aaroin & connradh aimsiordha na naithreach, far gcúl.

AGus [a sé so] suim na neitheann a
deirmid; Atá a shamhuil sin dárdshagart
aguinn, noch do shuigh ar deis
árdchatháoire na môrdhachda sna flaithis,
2 Atá na mhinisdir [sna hionaduibh
náomhtha, agus don Tabearnácail fhírinnigh
úd, noch do shuighidh an Tighearna,
agus ní duine.
3 Oir as chuige órduighthear gach uile
árdshagart chum na dtabhartus & na
niodhbarthadh dforáil: ionnas gur bhéigin
don fhiorsa mar an gcéudna ní éigin
do bheith aige ré a iodhbairt.
4 Oir ní bhiadh sé na shagart, dá
mbíadh sé ar an dtalamh, an feadh a
táid sagairt ann, fhoráileas tabhartuis
do réir an reachda,
5 Noch do ní seirbhís do shompla &
do sgáile na neitheann neamhdha, amhuil
do fhógair Dia do Mháoise, ar mbeith
dhó ar tí an Tabearnacail do chríochnughadh;
Tabhair haire riot, ár sé, go ndéane
tú na huile neithe do réir an tsompla
do taisbéunadh dhuit sa tsliabh.
6 Achd a nois fuáir sé oifig as óirrdhearca
ná sin, an méid go bhfuil
sé na eidirmheadhonthóir an chonnartha
as féarr, noch atá ar na dhaingniughadh
ris na geallamhnachaibh is
fearr.
7 Oir dá mbeith an céudchonnradh
úd neamhuireasbhach, ní shirfidhe ionadh
don dara connradh.

8 Oir a deir sé dhá néiliughadhsan:
Tiucfuidh na laethe a deir an Tighearna
ann a gcríochnóchuigh mé con[n]radh
núadh ré tigh Israél agus ré tigh
Iúda:
9 Ní réir an chonnartha do rinne
mé ré na naithribh, sa lá ann a rug
mé ar láimh orrtha, chum a dtreó-
ruighthe as talamh na Héigipte: óir
níor fhanadar a mbun mo chonnartha,
& ní raibh cás agumsa ionntadhsan, a
deir an Tighearna.
10 Uime sin ag so an connradh do
dhéuna me ré tigh Israél a ndiáigh na
laetheadhsin, a deir an Tighearna:
Cuirfe mé mo dhlighthe ann a ninntinn,
& sgriobhthad iad ann a gcroidhe, &
biáidh mé um Dhia aca, & béid siad-
san na bpobal agumsa.
11 Agus ní bhiáidh gach áon fó leith
ag teagusg a chomharsan, agus gach áon
fó leith [ag teagusg] a dhearbhráthar,
ag rádh, Biodh aithne air an Dtighear-
na agad: óir biáidh eòlus aca uile oram-
sa ón mbeag gus an mór.
12 Oir biáidh mé trócaireach da néu-
gcóruibh, & cuirfe mé a bpeacuidhe
agus a naindlighthe as mo choimhne
feasda.
13 An tan a deir sé [An connradh]
núadh, do chuir sé an seanchonnradh a
neimbrígh: agus an ní atá ar na chur
a neimbrígh, agus atá sean, as fogus
dó bheith ar dtéurnógh.

C A I B. IX.

Iodhbairt fola Chriosd ni is uáisle nó fuil iodhbhartha an reachd.

Uime sin do bhádar fós ag an gcéud
[chonnradh] órduighthe a dtáobh
sheirbhise Dé, agus náoimhiosdadh sáo-
ghalta.
2 Oir do tógbhadh an Tabearnacail,
ann a raibh sa gcéud iosdadh dhe, an
coinnleóir & an bórd, agus arán na
fiadhnuise, ré ráidhtear náomhtha.
3 Agus [do bhí] táobh a stigh don
dara brat, an tabearnácail dá ngoirthear
an náomh [iosdadh] Ro Náomhtha.
4 Sa náit a raibh an túiséir órrgha,
agus áirc an chonnartha ar na folach
timchioll ré hór, ann a raibh an pota
órrgha ann a raibh an Manna, agus slat
Aaróin noch do sgeith, agus cláir an
chonnartha:
5 Agus ós cionn na háirce [do bhá-
dar] na Cherubiní glórmhar, ag cur
sgátha ar fholach na háirce: neithe
ar nach féidir leam labhai[r]t fó leith
a nois.
6 Agus ar mbeith do na neithibhse
órduighthe mar so, do théigheadis na sa-
gairt do ghnáth a steach don chéud
Thabernácail, do choimhlíonadh sheir-
bhise Dé:
7 Ach don dara [Tabernácail do
theigheadh] an tárdshagart na áonar áon
úair amháin gacha bliadhna, ni gan fhuil,
noch do fhoráileadh sé ar a shon féin, &
[ar son] sheachráin an pbobail,

8 Ar mbeith don Sbiorad náomh dhá
fhoillsiughadh so, nár hosgladh fós an
tslighe chum a [niosda ro] náomhtha,
an feadh do bhí an céud thabearnácail
na sheasadh:
9 Noch as sompla don naimsirsi a
láthair, ann a bhfuil tabhartuis agus
iodhbhartha dhá bhforáil, lé nár féidir
an tí do ní an tseirbhís sin, do náomhadh
a dtáobh a choinnsiais:
10 [Ar mbeith dhóibh] amháin a
mbiadhuibh, agus a ndeochuibh, agus a
nionlatuibh éugsamhla, & a ngnáthuigh-
thibh colluidhe, do cuireadh orrtha dú-
lach, go teachd aimsire an cheartuighe.
11 Achd ar dteachd do Chriosd na
árdshagart na neitheann maith do bhí
chum teachda, tré thabearnácail bá mó
agus bá diongmhálta, nách dearnadh ré
lámhuibh, ionann sinn ré rádh agus, nach
don nobairse,
12 Agus fós ní tré fhuil ghabhar na
láodh, ach tré na fhuil féin, do chuáidh
sé a steach éun uáir amháin sna [hiosda-
dhuibh] náomhtha, ar bhfaghháil fúasluigh-
the shiorruidhe [dhúinne.]
13 Oir má ní fuil tharbh agus ghabhar,
& luáithreadh seachbhuidh, ar na cro-
thadh ar an druing neamhghloin, a náo-
mhadh a dtáobh ghlanta na feóla,
14 A né nách ro mhó ná sin dhéunas
fuil Chriosd, noch do fhoráil é féin gan
cháidhe do Dhia trés an Sbioruid shior-
ruidhe, bhur ccoinnsiassa ghlanadh ó oi-
breachuibh marbha, chum seirbhise do
dhéunamh don Día bheó?
15 Agus ar a shon so a seision ei-
dirmheadhonthóir an chonnartha núaidh,
ionnas trés an mbás do fhulaing sé chum
fúasluighthe sháruighthe na naitheantadh
do bhí sa gcéudchonnradh, go bhfuighe-
dís an dream atá ar na ngairm, gealla-
mhuin na hoighreachda siorruidhe.
16 Oir sa náit ann a bhfuil tiomna,
as éigean bás an tí do rinne an tiomna
do bheith [ann.]
17 Oir bí an tiomna diongmhálta
an tán bhíd dáoine ar néug, óir atá
sí fós gan bhrígh an feadh mhaireas an
tí do rinne í.
18 Uime sin níor daingnigheadh an
chéud [thíomna] féin gan fhuil.
19 Oir an tan do labhair Máoise na
huile aitheanta ris an bpobal uile réir an
reachda, ar nglacadh fola láodh, agus
gabhar dhó maille ré huisge agus ré ho-
luinn phurpair & ré hiolóip, do chraith
sé [í] ar an leabhar, & ar an bpobal
uile mar an gcéudna.
20 Ag rádh; A sí so fuil na tiomna
noch do aithin Dia dhíbh.
21 Agus fós do chraith sé a nfuil chéud-
na ar an Tabearnácail, & ar shoithi-
ghibh na miniosdrálachda náomhtha uile.
22 Agus as beag nach ré fuil ghlantar
na huile neithe do réir an reachda, &
ní faghthar maitheamhnas ar bith gan
dórtadh fola,

23 Uime ſin dob éigin ſompla na nei-
theann atá ar neamh, do ghlanadh ríu
ſo; ach na neithe neamhgha ſein ré
hiodhbarthuibh as fearr ná íad ſo.
24 Oír ní dheachuidh Críoſd a ſteach
don naôimhioſdadh do rinneadh ré lá-
mhuibh, noch bá heiſiompláir do na[hioſ-
dadhuibh]chum é féin do thaisbéunadh a
nois a bhfiadhnuiſe Dé air ar ſoinne.
25 Agus ní chum é féin diodhbairt go
minic; amhuil do théigheadh an tardſha-
gart a ſteach don náoimhioſdadh gacha
bliadhna, ré fuil nar leis féin:
26 (Oír mar ſin bá héigean dó páis
dfulang go minic ó thús an domháin,)
achd a nois do ſoillſigheadh é éun uáir
amháin a ndeireadh an tſaoghail, chum
an pheacuidh ſgrios tré na iodhbairt féin.
27 Agus amhuil atá a ndán do dhaói-
nibh bás dfagháil áonnuáir amháin, agus
a dhiáigh ſin an breitheamhnus:
28 As mar an gcéudna fuáir Críoſd
a iodhbhairt éunuáir amháin, chum
peacuidh mhóráin do ſgríos dó, [agus]
chidh léir é an dara huáir gan pheacadh
don druing atá ag fuireach ris, chum
ſlánuighthe.

CAIB. X.

Admháil chreidimh Chríoſd (neach ſhàruigh ar an uile) 19 do chongmhail go foigbideach, ſocrach.

OIr ar mbeith do ſgáile na neitheann
maith do bhí chum teachda ag an
reachd, agus ní dealbh ſire na neitheann
ſin, ní féidir leis choidhche na druinge
thig chuige, do náomhadh, ris na hiodh-
barthuibhſin bhíd fhoráil do ghnáth
gacha bliadhna:
2 Nó go deimhin do choiſgfeidís dá
mbeith dhá bhforáil, do bhrigh ar mbeith
do luchd na niodhbarthadhſin dforáil,
ar na nglanadh éunuáir amháin, nach
biadh ní ſa mhó coinnſias pheacuigh aca.
3 Ach ſna [hiodhbarthuibh] ſin, [do
nithear] athchoimhniughadh na bpeacadh
gacha bliadhna.
4 Oír ní féidir dfuil tharbh agus gha-
bhar na peacuigh chur ar gcúl.
5 Uime ſin ag teachd dó chum a
tſaoghail, a deir ſé; Níor bháil leachd
iodhbairt ná ofráil, ach do chum tú
corp dhamhſa.
6 A niodhbarthuibh loiſge, agus [a
niodhbarthuibh] ar ſon pheacuidh, ní
raibh fonn agad.
7 A dubhairt miſi an tan ſin, Féuch
atáim ag teachd (a dtoſach an leabhair
atá ſgríobhtha oram) chum do tholaſa do
dhéunamh, a Dhé.
8 Ar na rádh ſhúas dó; Níor bháil
leachd iodhbairt ná oſráil, ná iodhbartha
loiſge, ná iodhbartha ar ſon pheacuigh,
agus Ní raibh fonn agad [ionnta:] (noch
do nithear fhoráil réir an reachda.)
9 A dubhairt ſeiſion an tan ſin, Féuch
atáim ag teachd chum do tholaſa, a Dhé'
dho dhéunamh. Cuiridh ſé an céud ní
ar gcúl, chum an dara neithe do ſheaſ-
amh dhó.
10 An toil ré a bhfuilmídne air ar
ndéunamh náomhtha, tré iodhbairt
chuirp Jóſa éunuáir amháin.
11 Agus ſeaſuidh gach ſagart go
láetheamhuil ag minioſdrálachd agus ag
ofráil na níodhbarthadh gcéudna go
minic, ris nach féidir choidhche peacuidh
chur ar gcúl;
12 Achd ar bhforáileadh éio iodhbar-
tha amháin ar ſon na bpeacadh don tí-
ſe, do ſhuigh ſé ar deis Dé go ſior-
ruidhe:
13 Ag fuireach ó ſhin amach, nó
go gcurthar a naimhde na ſdól cos
faói.
14 Oír do rinne ſé diongmhálta go
ſiorruidhe ré héin iodhbairt amháin, an
dream atá ar na náomhadh.
15 Agus do ní an Sbiorad náomh
mar an gcéudna fiadhnuiſe dhúinn:
óir ar na rádh dhó roimhe,
16 Ag ſo an conrradh dhéunas mé
ríu a ndiáigh na laetheadh úd, a deir
an Tighearna, Cuirſe mé mo dhlighthe
ann a gcroidhthibh, agus ſgríobhthad
íad ann a ninntinneachuibh:
17 Agus cuirſe mé a bpeacuidh agus
a naindlighthe as mo choimhne feaſda.
18 Agus ſa náit ann a bhfuil mai-
theamhnas na neitheannſo, ní bhfuil
iodhbairt ar ſon pheacuidh ann ní ſa
mhó.
19 Ar a nadhbharſin a dhearbhráith-
re, ó atá ſáoirſe aguinn ré dhul a ſteach
don naòimhioſdadh tré fhuil Íóſa,
20 An tſlighe núadh bhéo noch do
ullmhuigh ſé dhúinn ré na bhás, trés an
mbrat, as ionann ſin ré a rádh agus,
tré na fheóil féin,
21 Agus tré ſhagart mór, agá bhfuil
ceannas thighe Dé:
22 Druideam air ar naghaidh maille
ré croidhe fírinneach ſáirdheimhneach
a gcreideamh, ar mbeith dár gcroidh-
ibh ar na ccrothadh ó dhrochchoinn-
ſias.
23 Agus ar mbeith dár gcorp ionnailte
ré huiſge glan, congmham gan chorrui-
dhe admháil ar muinighne, (óir as díleas
an tí thug gealladh dhúinn.)
24 Agus tugam aire dhá chéile, ionnus
go mbéam dhár mbroſdughadh féin
chum grádha agus deaghoibrigheadh:
25 Gan tréigean an chomhchruin-
nighe do níomaóid a gceann a cheile,
do réir nóis dhruinge áirighe: ach ag
teaguſg [a chéile,] agus go móradh mó de
[dhéanam ſin] an mhéid as léir dhíbh
an lá úd ag drud [rinn.]
26 Oír dá bpeacuigheam déuntoiſg
tar éis éolais na fírinne do ghabháil chu-
guinn, ní fhagthar iodhbairt [aguinn]
ní ſa mhó ar ſon na bpeacadh:
27 Ach feitheamh báoghlach ris an
mbreitheamhnus, agus ré teas na tei-
neadh, noch ſhluigfeas an námhuid.
28 An tí do bheir tarcuiſne air
reachd Mhaóiſe, do gheibh ſé bás gan

 truáighe

truáighe tré fhiadhnuiſe deiſe nó thír:
29 An é nach dtuillſidh (do réir bhur
mbaramhlaſa) an tí ſhaltras mac Dé
ſá na choſuibh, agus mheaſas fuil an
chonnartha lér náomhadh é [bheith]
neamhghlan, agus do bheir maſla do
Spioruid na ngrás, pionús as ró mhó
ná ſin?
30 Oír as aithnigh dhùinn an tí a
dubhairt, Is leamſa dioghaltus do dhéu-
namh: do bhéur cúitiughadh uáim, a
deir an Tighearna. Agus a rís, Do dhéa-
na an Tighearna breitheamhnus ar a
phobal.
31 As ní robháoghlach tuitim a lá-
mhuibh an Dé bhí.
32 Bíodh athchoimhne aguibh a rís ar
na laethibh do chuáidh thoruibh, ann a
rabhabhair tar éis bhur ſoillſighe ag ful-
ang throda móire a mbuáidhearthuibh.
33 Cuid de, an tan do rinneadar cách
ſgathán díbh, maille ré maſla agus ré
buáidhearthuibh; agus cuid eile an tan
do rinneadh ſibh bhur gcompánuibh
don druing do bhí ſa riochd chéudna ſin.
34 Oír do bhabhair ag fulang má
ráon ríomſa um ghéibheannuibh, agus
do ghabhabhair chuguibh go luathghái-
reach ſadhbhadh bhur maóine, ar mbeith
a fheaſa aguibh ionnuibh féin go bhfuil
maóin ſhíorruidhe as fearr (ná ſin) a-
guibh ar neamh.
35 Uime ſin ná téilgidh uáibh bhur
muinighin admhálach, agá bhfuil mór-
lúach ſaothair.
36 Oír atá foighid na ríachdanus o-
ruibh, ionnus ar ndéunamh tola Dé dhíbh,
go bhfuighe ſibh [toradh] na geallamhna.
37 Oír ſealad ro bheag go fóill, tiuc-
faidh an tí atá chum teachda, agus ní
dhéuna ſé muill.
38 Agus mairſidh an fíréun tré chrei-
deamh: gidheadh má théid ſé air ccúl,
ní bhfuighe mananmſa fonn ann.
39 Gidheadh ní ſinne an drung théid
air ccúl chum dámnuighthe, ach chrei-
deas chum a nanma ſhlànughadh.

CAIB. XI.

Nádúr an Chreidimh; 7 le a Neart, ar na dhearbhadh ré iliomad ſompla.

AGus a ſé an creideamh as bun do na
neithibh ré bhſuil dóigh, [agus] as
foillſiughadh dearbhtha air na neithibh
nach bhfaicthear.
2 Oír as tríd, fúaradar na ſinnſir
deaghtheiſd.
3 As tré chreideamh thuigmíd gur
cruthuigheadh an domhan tré bhréithir
Dé, ionnas go ndearnadh neithe ſófhaic-
ſigh do na neithibh dófhaicſigh.
4 As tré chreideamh do fhoráil Abel
do Dhía iodhbairt ní as féarr ná Cáin:
tré a ndéarnadh ſiadhnuiſe dhó go raibh
ſé na fhíréun, ar mbeith do Dhía ag
déunamh ſiadhnuiſe dhá thiodhlaicibh:
agus trés an gcreideamhſin, ar bhfaghail
bháis dó, labhruidh ſé fós.
5 As tré chreideamh do háthruigheadh
Enóch, chum nach bhfaicſeadh ſé an
bás, agus ní frith é, do bhrigh gur
áthruigh Día é: Oír ſúil do háthrui-
gheadh é, do rinneadh ſiadhnuiſe ris gur
thaitin ſé ré Día.
6 Achd a bhféugmhuis chreidimh ní
féidir taitneamh ris: Oír an tí thig chum
Dé, is éigean dó a chreideamh go bhfuil
ſé ann, agus go dtabhair ſé lúach ſao-
thair don druing íarras é.
7 As tré chreideamh, ar bhfaghail
fógartha ó Dhía do Naói a dtimchioll na
neitheann nach raibh fós ré na bhfaic-
ſin, ar ngabháil fhaitchis dó, dullmhuigh
ſé a náirc, do ſhábháil a thighe féin;
trér dhamnuigh ſé an domhan, agus
do rinneadh oighre na fíréuntachda atá
tré chreidimh, dhe.
8 As tré chreideamh dumhlaigh Abra-
ham ar na ghairm, ag imtheachd go hio-
nadh, noch do gheubadh ſé na dhúigh
ſin, doighreachd: agus do thriall ſé
roimhe gan a fhios aige cá háit ann
a raibh ſé ag dul.
9 As tré chreideamh do chomhnuigh
ſé a dtír na geallamhna, amhuil a dtír
choimhighthe, ar ndéunamh comhnui-
ghe dhó a mbothuibh maille ré Hiſaac
agus ré Jácob, comhoighreadha na geal-
lamhna céudna.
10 Oír do bhí a ſhúil ris an gcath-
ruigh úd, agá bhfuil fonndameint, agár
ab é Día a ſáor agus a cruthaigh-
theóir.
11 As tré chreideamh mar an gcéud-
na fuair Sára féin neart chum ſíl do
ghabháil di, agus rug ſí [mac] tar
éis í dhul tar aóis [cloinne bhreith,] do
bhrígh gur mheas ſí gur bhfírinneach
an tí tug an gealladh.
12 Uime ſin do gineadh [ſliochd] ó
áon amháin, & é fós a riochd mhairbh,
coimhlionmhar ré réultuibh nimhe, &
ré gaineamh thragha na fairrge nach
féidir áireamh.
13 As do réir chreidimh fúaradar ſo
uile bás, bíodh nach bhfuaradar na neithe
do ghealladh dhóibh, ach go bhfacadar
íad a bhfad úatha, agus do theannadar
riu [iad,] agus do admhuigheadar go
rabhadar féin na ndéoradhuibh agus na
noilirtheachuibh ar an dtalamh.
14 Oír an dream a deir na neitheſe,
cuirid ſiad a gcéill go follas, go bhfuilid
ſiad ag íarruidh dúithche.
15 Agus dá mbeith an [dúithche] úd
as a dtangadar amach, ar coimhne aca,
do bhí ám aca ré filleadh air a nais:
16 Achd a nois atá a ndúil a ndúithche
as féarr, eadhon ſa [dúithche] neamh-
gha: Uime ſin ní nár lé Día dhá
dtaóbhſan, A Ndía do ghairm dhe:
Oír do ullmhuigh ſé cathair dhóibh.
17 As tré chreideamh do fhoráil
Abraham Iſaac, an tan do dearbhadh
é; agus an tí fuair na geallamhnacha
do fhoráil ſé a néinghin,
18 Lé a ndubhradh, Is a Niſaac
ghoirfighthear

ghoirfighthear do shíol:
19 Ar mbreathnughadh dhó gur cu-
mhachdach Día air a thógbháil súas ó
mharbhuibh: as ar ghlac sé é fós a gco-
samhlachd.
20 Achd tré chreideamh do bhean-
nuigh Isáac Jácob agus Esau, a dtáobh
na neitheann do bhí chum teachda.
21 As tré chreideamh do bheannuigh
Jácob ag fagháil bháis dó, dias mac Jo-
seph: agus do rinne sé adhra ós ceann
a bhata.
22 As tré chreideamh do chuir Jó-
seph a gcoimhne, ag fagháil bháis dó,
imtheachd chloinne Isráel [as a Néi-
gipt:] agus tug sé áithne a dtimchioll
a chnámh.
23 As tré chreideamh do cuireadh
Máoise a bhfolach ré na athair agus ré
na mháthair feadh thrí míos an tan
rugadh é, do bhrígh go bhfacadar lea-
nabh áluinn: agus ní raibh faitcheas
roimh áithne an rígh orrtha.
24 As tré chreideamh do dhíult
Maoise ar mbeith dhó mór, mac inghine
Pháraro do ghairm dhe:
25 Ar mbreith dhó do roghain bheith
ag fulang buáidheartha a bhfochair
phubail Dé, tar bheith a sáimhe neamh-
mbúan an pheacuidh.
26 Ar na mheas dó, gur mhó an
saidhbhreas masla Chriosd, ná ionn-
mhas na Héigipte: óir do bhí súil aige
ris an lúach saothair.
27 As tré chreideamh do thréig sé an
Néigipt, gan fhaitcheas air roimh
fheirg an rígh, óir do bhí sé comhláidir
sin na inntinn, ionann agus do chíseadh
sé an tí nach féidir dfaicsin.
28 As tré chreideamh dórduigh sé an
[tían] cásg, agus an dórtadh fola, deag-
la go mbeanfadh an tí do sgríos gach
céidghin, riusan.
29 As tré chreideamh do chúadar trés
an muir ruáidh amhuil tré thiormach:
an mhuir léur sluigeadh na Héigiptigh,
ar dteachd dá teasdughadh dhóibh.
30 As tré chreideamh do thuiteadar
balluidhe Jerico, tar éis gabhála na
dtimchiol seachd lá.
31 As tré chreideamh nár sgriosadh
an mheirrdreach Rahab a naóinfheachd
ris an druing do bhí easumhal, ar dta-
bhairt aóidheachda uáithe don luchd
bratha go siothchánta.
32 Agus créd a déuruinn ní sa mhó?
óir do bhíadh a naimsir ro ghearr agum
ré bheith ag cráobhsgaóileadh ar Ghe-
déon, agus ar Bhárac, agus ar Shampson,
agus ar Jephte, agus ar Dháibhi, agus
ar Shamuel, agus ar na fáidhibh:
33 Noch tré chreideamh da bhúa-
dhuigh ríoghachda, do oibrigh fíreun-
tachd, do ghnodhuigh na geallamh-
nacha, do sdop beóil na leomhan,
34 Do mhúch neart na teineadh, do
chúaidh as ó fháobhar an chloidhimh,
rugadh ó laige go láidireachd, do rin-
neadh neartmhar a gcath, do chuir a
dteithcheamh sluáighe na neachdran-
nach.
35 Do ghlacadar na mná, a mairbh
ó eiséirghe. Do céusadh drung eile
mar an gcéudna, gan suim ann a sáo-
radh aca, chum eiséirghe budh féarr
dfagháil dhóibh:
36 Agus do dearbhadh drung eile, ré
sgige, águs ré sgiursuighibh, agus fós ré
géibheannuibh, agus ré príosún.
37 Do clochadh íad, do gearradh ó
chéile íad, do cuireadh cathughadh orr-
tha, do marbhadh ré cloidheamh íad,
do bhádar ar seachrán a nunn sa nall,
a gcroicnibh cáorach agus gabhar, ar
mbeith dhóibh a ríachdanus, dá mbuái-
dhreadh, [agus] dá gcrádh.
38 Dream nár bhfíu an sáoghal, ag
dul amugha a bhfásuighibh, agus a
sléibhthibh, agus a dtuinighthibh, agus
a núamhuibh talmhan.
39 Agus ar mbeith dhóibh so uile
ar na ndearbhadh tré chreideamh, ní
rugadar air an geallamhuin.
40 Ar mbeith do Dhia ag soláthar
dhúinne an neithe as féarr, chum gan
íadsan do bheith iomlán ar bhféug-
mhuisne.

CAIB. XII.

Tré eisiomlar Chríosd & na Náomh, is fea-bhas na Tiomna nuaidh tar an Tsein-tiomna, ata sair-dhiaghacht aga bhrosdughadh.

AR a nadhbharsin ó thárrla a chomh-
mór sin do néull fíadhnuiseadh ar
dtimchiollne mar an gcéudna, ag cur
gach uile thruim dhínn, agus an phea-
cuigh leanus dínn go héusguidh, ríotham
maille ré foighid chum chinn na coimh-
leanga atá romhuinn:
2 Ag féuchuinn ar Jósa, ceannphort
agus fear críochnuighe an chreidimh,
noch ar son an tsóláis do cuireadh as a
chomhair, do fhulaing céusadh na croi-
the, ag cur na masla tugadh dhó a
neamhshuim, agus do shuigh ar deis
árdchathaóire Dé.
3 Oir smuáinigh ribh féin ar an tí úd
do fhulaing a shamhuil sin do chaint
do chur na adhuigh ó pheacachuibh,
deagla dhul a dtuirse & a nanbhfainne
dhíbh ann bhur ninntinnibh.
4 Níor sheasabhair fós go fuil, ag
cathughadh a nadhuigh an pheacuidh.
5 Agus a né gur dhearmuid sibh an
foirceadal labhras ribh, amhuil ré cloinn?
A mhic, ná bíodh neamhshuim agad a
smachd an Tighearna, agus ná téidh
a nanbhfainne an tan chronuigheas sé
thú.
6 Oir smachduighe an Tighearna an
tí ghrádhuigheas sé: agus sgiursuidh sé
gach mac ré ngabhann sé.
7 Dá bhfuilnge sibh smachdughadh,
atá Día dhá fhoráileadh féin oruibh,
amhuil air chloinn: Oir cía hé an mac
nach smachduigheann an tathair!

8 Ach dá raibh sibh gan smachdu-
ghadh, roinntear ris na huilibh, go
deimhin as clann bhasdaird sibh, agus
ní clann dhíleas.
9 Do bhádar fos ar naithreacha col-
luidhe aguinn na luchd smachduighthe,
agus do bheirmís urruim [dhóibh:] a
né nach ro mhó ná sin bheuram umh-
lachd Dathair na spiorad, & bíam béo?
10 Oír do bhádarsan dár smachdugh-
adhne beagan láethe, réir a dtola féin:
achd chum ar leasa; eision ionnus go
nglacfamaóis a náomhthachd san.
11 Ach ní cosmhuil smachdughadh
air bith ré headh na nuáire sin do
bheith sóláśach, ach dólaśach: gidheadh
do bheir sé na dhiáigh sin toradh suáimh-
neach na fíréuntachda don druing
chleachdas é.
12 Uime sin tógbhuidh súas na lámha
díomhaóineach, agus na glúine gan sbra-
cadh:
13 Agus déunuidh céimniughadh dí-
reach ré bhur gcosuibh, deagla a neithe
atá bacach do chláonadh as a tslighe, ach
go madh táosga leighéosaidh é.
14 Leanuigh síothcháin ris na huile
dhaóinibh, & náomhthachd: [óir] gan
í, ní fhaicfidh éinneach an Tighearna.
15 Tabhruidh aire ribh fá gan áoin-
neach aguibh do chláonadh ó ghrás Dé:
fá gan fréumh shearbhuis ar bith do
fhás súas dá bhur mbuáidhreadh, trés a
ndéuntaói morán neamhghlan.
16 Deagla go mbíadh éinneach na
sdríopuigh, ná neimhdhíagha, mar Esau,
noch do reac a cheart oighreachda ar
son éinchinn amháin bídh.
17 Oír atá a fhios aguibh an tan
bá mian ris fós na dhiáigh sin an bheann-
nachd fhagháil mar oighreachd, gur
diultadh é: óir ní bhfuáir sé áit aith-
righe, bíodh gur iarr sé í maille ré
déuruibh.
18 Oír ní chum an tsléibhe thanga-
bhair ré a bhféudtar cumailt, ná chum
na tineadh lasarrgha, ná chum na sdoir-
me, ná an dorchaduis, na an gairbhshíain.
19 Ná chum fuáime an sduic, ná gho-
tha na mbríathar, agár shireadar an
dream do chualuidh é, dathchuinge, gan
an bhríathar do labhairt ríu féin ní
sa mhó:
20 Oír níor bhfeidir ríu an ní do bhí
ar na áithne dhíobh díomchur, agus
dá mbeanuidh fiu a nainmhidhe féin
ris a tsliabh, géubhthar do chlochuibh
air, nó gheabhuidh sé a tholladh ré gath.
21 Agus do bhí an ní do chonncadar
comhúathbhasach sin, go ndubhairt Maóí-
se, Atáim lán dfaitcheas & do chrith.
22 Achd as chum sléibhe Sióin atá
sibh ar dteachd, & chum caithreach Dé
bhí, chum na Hiarusalém neamhgha &
chum cuideachda na milteadh aingeal,
23 Agus chum coimhthionóil gacha
céidghine noch atá sgríobhtha ar neamh,
agus chum Dé breitheamh na nuile, agus
chum spiorad na bhfiréun ndiongmhálta,
24 Agus chum Jósa eidirmheadhon-
thóir na tiomna nuáidhe, chum na fola
do craitheadh, labhrus ní as féarr na
Abél.
25 Tabhruidh dá bhur naire gan éura
do thabhairt don tí lábhras [ribh:] óir
muna dheachuigh an dream úd as, tug
díultadh don tí labhair ríu as uchd Dé
ar an dtalamh, a né nach lugha na
sin rachmaóidne as, dá ndiultam don
tí [atá] ó neamh?
26 Agár chriothnuigh an talamh a
nuáir sin ré na ghuth: agus a nois
tug sé gealladh úadh, ag rádh; Fós
éunuáir eile cuirse mé, ní hé amháin an
talamh ar crith, ach neamh mar an
gcéudna.
27 Agus foillsighidh an rádh so, Fós
éunuáir eile, áthrughadh na neitheann atá
neimhsheasmhach, mar atá na neithe
do rinneadh, ionnus go mbiadh na neithe
doghluáisde, comhnuigheach.
28 Uime sin ar bhfaghail ríoghachda
dhúinn nach féidir a chorrughadh,
bíodh grás aguinn, tré na bhféudfum
seirbhís a dhéunamh do Dhía ann a
mbíadh dúil aige, maille ré náire &
ré faitcheas.
29 Oír as teine dhianloisgeach ar
Ndiane.

CAIB. XIII.

Báanughadh na naoimh-Theaguisg.

BIodh grádh bráithreamhuil go comh-
nuigheach [eadruibh.]
2 Ná dearmaduigh daonnachd: óir
dá réir so tugadar dream áirighe
aóidheachd dainglibh gan fhios dóibh
féin.
3 Bíodh cuimhne aguibh ar an druing
atá ceangailte, amhuil coimhcheangail-
te ríu: [agus] ar an druing fhuilngeas
anshógh, ar mbeith dhíbh féin fós sa
gcoluinn.
4 [As] onórach an pósadh a measg
na nuile, agus an leabuidh neamhsha-
lach: ach béuruidh Día breith ar luchd
na drúise agus a nadhaltrannuis.
5 Seachnuidh sibh féin ar shaint: go
madh lór libh na neithe atá a lathair a-
guibh: Oír a dubhairt an Tighearna,
Ní dhealócha mé ríot, agus ní thréig-
fead thú:
6 Ionnas gu féidir linn a rádh go dá-
na, Sé an Tighearna mfear cabhartha,
agus ní bhiáidh eagla oram fá ní dhár
féidir do dhuine dhéunamh oram,
7 Bíodh cuimhne aguibh ar luchd bhur
dtréoruighe, noch do labhair bríathar
Dé ribh: [&] leanuidh dhá gcreideamh,
ag tabhairt aire ré críoch a gcoinbhear-
saide.
8 Jósa Críosd a né agus a niugh, agus
go síorruidhe, an ccéudna.
9 Ná gluáisdear sibh fá gcuáirt ré
teagusguibh éugsamhla coimhthigheacha:
óir as maith an croidhe bheith diong-
mhálta a ngrás, ní a mbíadhuibh, nach
deachuigh

deachuigh a dtarbha don druing do
ghnáthuigh iad.
10 Atá altóir aguinne, dá nach bhfuil
a gcumhachdaibh na druinge do ní
seirbhis don tabearnácail [ní] ithe.
11 Óir na hainmhinntighe agá mbei-
reann an tárdshagart a bhfuil leis a
steach don niosdadh náomhtha air son
peacadh, loisgthear a gcuirp don tâobh
a muigh don champa.
12 Uime sin do fhulaing Jósa an
pháis mar an gcéudna don táobh amuigh
don gheata, chum an phubail do naomh-
adh dhó ré na fhuil féin.
13 Ar a nadhbharsin imthigheam
amach as an gcampa chuigesin, ag iom-
chur masla air a shon.
14 Óir ní bhfuil cathair chomhnui-
gheach aguinn ann so, achd atá iarruidh
aguinn ar an [gcathruigh] atá chum
teachda.
15 Uime sin foráileam thridsion do
ghnáth iodhbairt mholta do Dhía, eadhon
toradh na mbéol admhuigheas a ainm.
16 Ná dearmaduigh maith agus cu-
mann do dhéunamh, óir bí dúil ag Dia
inn a samhuil sin díobarthuibh.
17 Tabhruidh umhlachd do luchd bhur
dtreoruighthe, agus islighe sibh féin
[dóibh:] óir bíd siad ag faire bhur nan-
mann mar an luchd bhéuras conntas úa-
thadh: chum so do dhéunamh dhóibh
maille ré gáirdeachas, agus ní ré hosnai-
ghibh: óir as neamhtharbhach dhibhse
so.
18 Déanuidh urnuighe air ar soinne,
óir is muinighneach sinn ar coinnsias
maith do bheith aguinn, ar mbeith
sonnmhar dhúinn ar sinn féin diomchar
go cubhaidh sna huile neithibh.
19 Agus as móide shirim so oruibh,
ionnus go madh lúathaide gheabhus sibh
mé aiseag dhibh a rís.
20 Agus Día na síothchana tug air
ais ó mharbhuibh an Tighearna Jósa,
árdaodhaire na gcáorach, tré fhuil an
chonnartha shíorruidhe.
21 Go ndéuna sé sibh diongmhalta
sa nuile deaghobair, chum a thola do
dhéunamh, ag oibriughadh ionnuibh an
neithe as geanamhuil na fhiadhnuise,
tré Jósa Críosd, dá bhfuil glóir go
saoghal na saoghal. Amén.
22 Iarruim fós dathchuinge oruibh,
a dhearbhráithre, bríathar an tsóláis
dfulang dhibh: óir do sgríobh mé go
haithghearr chuguibh.
23 Bíodh a fhios aguibh gur sgaóil-
leadh an dearbhráthair Timotéus, an
tí ré a racha mé bhur bhféuchain, (má
thig sé go goirid.)
24 Teannuidh ribh bhur nuile luchd
tréoruighe, agus na naóimh uile. Cuirid
na Headáilligh a mbeannachd chuguibh.
25 Grása maille ribh uile. Amén.

EPISTIL GHINEARALTA SHEUMUIS ABSDAIL.

CAIB. I.

Iarradh uáinn féin atá ar laige, 6 ar luaimh-neas a Gcreidimh, 13 ar nainmianna, & ar bpeacadh.

CUiridh Séumus searbhfhoghan-
tuighe Dé agus an Tighearna
Jósa Críosd, chum an dá threibh
dhéug atá sgartha ó chéile, bea-
tha agus sláinte.
2 A dhearbhráithre, measuidh na ró
ghairdeachas, an tan thuitfeas sibh a
gcaithighthibh éugsamhla.
3 Ar mbeith a fheasa aguibh go noi-
brigheann dearbhadh bhur gcreidimh,
foighid.
4 Agus bíodh obair dhiongmhálta ag
an bhfoighid, chum sibh féin do bheith
diongmhálta, iomlan, gan uireasbhuidh
aóinneithe.
5 Agus má atá aóinneach aguibh a
neasbhuidh eagna, iarradh [í] air Dhía,
noch do bheir go fairsing úadh do na
huilibh, agus nach déun maóidheamh:
agus do bhéurthar dho í.
6 Achd iarradh sé maille ré crei-
deamh, gan bheith amhrusach air éun-
chor: óir an tí ar a mbí amhrus, is
cosmhuil é ré tuinn fhairge ghluáisdear
ris an ngaóith, agus bhíos dá tiomáin a
nunn sa nall.
7 Ná saóileadh an tí sin go bhfuighe
sé aóinnì ón Dtighearna.
8 Fear dhá inntinne, neimhsheas-
mhach na uile shlighthibh.
9 Agus bíodh gáirdeachas ar an
dearbhráthair atá íseal fá é féin árdu-
ghadh;
10 Agus ar an tsaidhbhir fá é féin
ísliughadh: óir biaidh sé ag téurnógh
mar bhláth na luibhe.
11 Óir [amhuil] sheargus an ghrian
ar néirghe, an luibh ré teas, agus thui-
teas a bláth, agus théid maise a faic-
seana ar gcúl: is amhluidh sin shearg-
fus an duine saidhbhir ann a shligh-
thibh.
12 As beannuighe an tí iomchras
cathughadh: óir tar éis a fhaghála
dearbhtha, do gheabhuidh sé coróin na
beatha, noch do gheall an Tighearna
don ndruing ghrádhuigheas é.
13 Ná habradh éinneach an tan bhíos
a gcathugadh, Is ó Dhia churthar cathu-
ghadh oram: óir ní féidir cathughadh
a nuile do chur air Dhía, agus ní chui-
reann sé cathughadh ar aóinneach.
14 Ach bí gach áon a gcathugh-
adh, an tan thairngeas, agus bhréugas
a ainmhiana féin é.
15 Na dhiáigh sin ar ngabháil toirr-
cheasa chuige don nainmhian, beiridh
sé

ſé peacadh, agus an tan críochnuigh-
thear an peacadh, beiridh ſé bás.
16 Ná bíodh ſeachrán oruibh a dhear-
bhráithre grádhacha.
17 As a núas atá gach deaghthabhar-
tus, agus gach tíodhlacadh diongmhálta,
ag teachd ó Athair na ſoillſe, ar nach
dtéid athrughadh, ná fiu ſgáile cláoch-
lóigh.
18 As dá thoil féin do aithghin ſé ſin-
ne ré bréithir na fírinne, chum bheith
dhúinn ar gcéud tórthuibh dhá chreatú-
raibhſion.
19 Uime ſin a dhearbhráithre grádh-
acha, bíodh gach áon ullamh chum
éiſdeachda, mall chum labhartha, mall
chum feirge.
20 Oír ni oibrigheann fearg dhuine
fíréuntachd Dé.
21 Uime ſin ar gcur uaibh na huile
neamhghloine, agus iomarcuidh mailíſe,
gabhuidh chuguibh maille ré ceann-
ſachd, an bhríathar atá ar na plánndu-
ghadh ionnuibh, ler féidir bhur nan-
manna ſhlánughadh.
22 Agus bíghidh bhar luchd na bréi-
thre chur a ngníomh, agus ní bhur
luchd a héiſdeachda amháin; dá bhur
mealladh féin.
23 Oír dá néiſdigh éinneach ris an
mbréithir, agus nach déun ſé dhá réir,
as coſmhuil é ré duine bhíos ag breath-
nughadh a ghnúiſe nadúrtha a ſga-
thán.
24 Oír ar na bhreathnughadh féin
dó, imthighe roimhe, agus ar ball dear-
maduigh ſé créd bá é a choſamhlas féin
do dhuine:
25 Achd an tí fhéuchas go grinn ar
reachd diongmhálta na ſaóirſe, agus
chomhnuigheas [ann,] do bhrígh nach
fear éiſdeachda dearmadach é, ach
fear gníomha do dhéunamh, biáidh ſé
beannuighe ann a ghníomh féin.
26 Má atá aóinneach eadruibh lér coſ-
mhuil bheith ríaghalta, [agus] nach
ccuireann ſrían ré na theanguidh, ach
bhíos ag mealladh a chroidhe féin, as
díomhaóin ríaghail an tíſe.
27 Ag ſo an ríaghail ghlan gan
cháidhe a bhfíadhnuiſe Dé agus a Na-
thar, [eadhon] dul dféuchain na ndí-
leachdadh, agus na mbaintreabhach a
nám a riachdanuis, neoch é féin do
choimhéud gan cháidhe ón tſaoghal.

C A I B. II.

Nach mar Abraham, ach coſmhuil re creideamh eattrom na nDeamhan, creideamh gan deagh oibreachaibh.

A Dhearbhráithre, ná bíodh creideamh
ar Dtighearna ghlórmhar Jóſa Críoſd
aguibh maille ré féuchain do phearſuin
ſeach a chéile,
2 Oír dá dtí neach a ſteach dá bhur
gcoimhthionól ar a mbíáidh fáinne óir,
a néudach lonnrach, agus go dtiucfuidh
duine bochd mar an gcéudna a néu-
dach thruáillighe:
3 Agus go mbiáidh féuchain aguibh
don tí ar a mbí an téudach lonnrach,
agus go naibéora ſibh ris, Suighſe ſa
nionadh onórachſa: agus go naibéora
ſibh ris an duine bhochd, Seaſaimhſe ann
ſin thall, nó ſuigh ann ſo faói ſdol
mo chos:
4 A né nach bhfuil ſibh ag breathnu-
ghadh eadruibh féin, agus do rinneadh
breitheamhuin díbh air dhroch ſmuáin-
tighibh?
5 Eiſdigh a dhearbhráithre grádha-
cha, a né nár thogh Día boichd an
tſaoghailſe, ſáidhbhir a gcreideamh, &
na noighrighibh na ríoghachda, noch do
gheall ſé don druing ghrádhuigheas é?
6 Ach tugabhairſe eaſonóir don bhochd.
A né nach déunuid na ſáidhbhir ro io-
marcuigh oruibh, agus a né nach dtairr-
ngid ſibh chum breitheamhnuis?
7 A né nach dtabhruid ſiad maſla
don ainm óirdeirc as a nainmnigh-
thear ſibh?
8 Gidheadh dá gcoimhlíona ſibh an
reachd ríogha do réir an ſgriobtúir;
Grádhuigh do chomharſa mar thú féin,
as maith do ní ſibh [é:]
9 Ach má bhíonn féuchain do phear-
ſuin ſeach a chéile aguibh, do ní ſibh
peacadh, [agus] éilighthear ſibh ón
reachd mar luchd ſáruighe.
10 Oír gidh bé neach choimhlíonſas
an reachd uile, agus gheubhas tuiſleadh
a néun áithne amháin, ata ſé ciontach
ionnta uile.
11 Oír an tí a dubhairt, Ná déun
adaltrannas, a dubhairt ſé mar an gcéud-
na, Ná déun dúnmharbhadh. Agus bíodh
nach ndéun tú adhaltranas, ach go
ndéun tú dúnmharbhadh, do rinneadh
fear ſáruighe an reachda dhíot.
12 Go madh hamhluigh laibhéorthaói,
agus go madh hamhluidh dhéunas ſibh,
mar an luchd ar a ndéuntar breitheamh-
nus tré reachd na ſaóirſi.
13 Oír breitheamhnus gan trócaire
don tí nach dearnadh trócaire: agus
do ní an trócaire gáirdeachas a na-
dhuigh an bhreitheamhnuis.
14 Créd é an tarbha, a dhearbhráith-
re do neach a rádh go bhfuil crei-
deamh aige, agus gan oibreacha aige?
an bhféudann an creideamh a ſháoradh?
15 Oír da raibh dearbhráthair nó
deirbhſhíur lomnochduighe, agus a riach-
danas na beatha láetheamhla:
16 Agus go naibéora neach aguibhſe
ríu, Imthighe romhuibh a ſíothchain,
goruidh ſibh féin, agus líonuigh bhur
mbuilg, agus gan ſibh do thabhairt na
neitheann atá na riachdanas ar an
gcolainn dóibh, créd é a tharbha ſin?
17 As amhluidh ſin an chreideamh
mar an gcéudna, muna bhfuilid oib-
reacha aige, atá ſé marbh ann féin.
18 Achd a déuruidh neach éigin, Atá
creideamh agadſa, agus atáid oibreacha
agamſa: taiſbéinſe dhamhſa do chrei-
deamh

deamh a bhféugmuis hoibreacha, agus
taisbéuneadsa mo chreidimh dhuitse as
mhoibreachuibh.
19 Creidigh tusa go bhfuil áon Ndía
ann: as maith do ní tú [sin:] creidid
na deamhuin féin mar an gcéudna, agus
criothnuighid siad.
20 Achd a dh ne dhíomaóin, an
mian leachd a fhios dfagháil, gur marbh
an creideamh gan oibreachuibh?
21 A né nach ó oibreachuibh do
rinneadh ar nathair Abráham firéunta,
an tan dforáil sé a mhac Isaac ar a
naltóruigh?
22 A né nách léir dhuit go raibh an
creideamh ag comhoibriughadh maille
ré na ghníomharthuibh, agus gur ab as
na gníomharthuibh do rinneadh an
creideamh diongmhálta?
23 Agus do coimhlíonadh an sgriob-
túir a deir, Do chreid Abraham
do Dhía, agus do measadh dhó é na
fhiréuntachd, agus do ghoireadh caruid
Dé dhe.
24 Ar a nadhbharsin do chí sibh gur
ab as oibreachuibh do nithear duine fi-
réunta, & nach as creideamh amháin.
25 Agus mar an gcéudna fós an mheird-
reach Rahab, a né nách as oibreachuibh
do rinneadh firéunta í, an tan tug sí
aóidheachd do na teachdairedhibh, &
do chuir sí uaithe íad a slighe eile?
26 Oír amhuil is marbh an corp a
bhféugmhuis na spioruide, as amhluidh
sin mar an gcéudna bhíos an creideamh
marbh gan oibreachuibh.

CAIB. III.

Gu bhfuil maith no olc adbhbal-mhór sa nteangaidh, do rèir mar a ghéubhas stiuradh.

A Dhearbhráithre, ná déunuidh iomad
maighistreachda, ar mbeith a
fheasa aguibh gur móide an breith-
eamhnus ghlacfamaóid.
2 Oír ciontuighemid uile a móran
do neithibh. Gidh bé nach cciontui-
gheann a mbreithir, as duine diong-
mhálta é, lér féidir fos srían do chur
ris an gcoluinn uile.
3 Féuch, cuirmíd srianta a mbéo-
luibh na neach chum íad umhlughadh
dhúinn, agus do bheirmid air a gcorp
uile iompógh fá gcuairt:
4 Féuch, mar an gcéudna na longa,
bíodh go bhfuilid ro mhór, agus go
ngluáisdear íad ré gáothuibh garbha,
fós iompoighthear íad fá gcuairt ré
sdiúir ro bhig, gidh bé ar bith árd a
dtogrann fear na sdiúire:
5 As amhluidh sin as ball beag an
teanguidh, agus do ní mordháil mhór:
féuch, créd é méud a nadhbhair lasas
ré teine bhig.
6 Agus as teine an teanguidh, do-
mhan na héugcóra: as mar sin áta an
teanguidh ar na suigheadh a measg ar
mball, go salchann an corp uile, agus
go gcuireann air lasadh sdaid ar mbea-
tha ò gheintear sinn, agus is ó ifrion
lastar í.
7 Oír ceannsuighthear, & do rinneadh
ceannsa ris a nadúir dhaonna, gach
uile nadúir ainmhinnteadh nallta, &
éunlaithe, & na neitheann shnámhas
an talamh agus a nfairge:
8 Ach ní héidir daóinneach an tean-
guidh cheannsughadh: olc dóriartha lán
do nimh mharbhthuigh.
9 Do bheirmid ría glóir do Dhía
agus don Nathair, agus bímid ag mal-
lughadh na ndaóine ría, noch do cruth-
uigheadh do réir chosamhlachd Dé.
10 Tig mallughadh agus beannughadh
as éun bhéul amháin. A dhearbhráithre,
ní cóir na neithese bheith mar so.
11 An gcuireann tiubruid uáithe
amach as éin tslighe amháin, [uisge]
milis agus searbh?
12 An féidir a dhearbhráithre, do
chrann fige, cáora chrainn ola thabhairt
úadh, nó do chrann fíneamhna figighe?
is amhluidh sin nach [féidir] do thiub-
ruid ar bith uisge saile agus fioruisge
do thabhairt úadh.
13 Cia [atá] na dhuine eagnuidhe
fiulmhar eadruibh? taisbéunadh sé a oi-
breacha féin as a choinbhearsaid mhaith,
maille ré ceannsachd eagna.
14 Gidheadh má bhíonn séarbhus tnú-
tha, agus brosdughadh feirge aguibh ann
bhur gcroidhthibh, ná déunuidh mór-
dháil, ná bréug a nadhuigh na fírinne.
15 Ní ò neamh thig a neagnasa, achd
atá sí talmhuighe, colluidhe, diabhluidhe.
16 Oír sa náit ann a bhfuil tnúth
agus consbóid, bí buáidhirt ann, agus
gach uile dhroichghníomh.
17 Achd a neagna úd ó neamh, atá
sí glan ar tús, na dhiáigh sin síoth-
chánta, ceannsuigh, sotheaguisg, lán do
thrócaire agus do dheaghthórthuibh, gan
chláon gan shallás.
18 Agus síolchurthar toradh na
fíreuntachda a síothcháin, do luchd
déunta na síothchána.

CAIB. IV.

Gur ó chath na banntola sa nduine féin, fhàsas a nuile choinntinne eidir é & cách.

CRéd as [á nèirghid] cogtha agus
comhruic eadruibh? a né nach
úadh so, eadhon ó bhur nanntoluibh féin
bhíos ag cathughadh ann bhur mballuibh?
2 Santuighe sibh ní, agus ní bhíonn
sé aguibh: bhí sibh ag marbhadh agus
ag iomthnúthughadh, agus ní féidir
libh ní fhagháil: do ní sibh combrac
agus cogadh, agus ní bhíonn ní aguibh,
do bhrígh nach íarrann sibh.
3 Iarruidh sibh, agus ní gheibh sibh
éinní, do bhrígh go níarrthaói go holc,
ionnus go mbíadh sibh ag caitheamh
ré bhur míangusaibh féin.
4 A fhiora agus a mhná a nadhal-
trannais, a né nach bhfuil a fhios aguibh
gur naimhdeanus a nadhuigh Dé, cairdeas

an tsáoghailse? uime sin gidh bé rér mían an saoghal bheith na charuid aige, do ní sé namhuid Dé dhe féin.

5 An saoileann sibh gur díomhaóin a deir an sgriobtúir, Go mbí an spiorad chomhnuigheas ionnainn sonnmhar a dtnúth?

6 Gidheadh do bheir úadha grása ní sa mhó, uime sin a deir sé; Cuiridh Día a nadhuigh na nuáibhreach, ach do bheir grása do numhal.

7 Uime sin umhluighe sibh féin do Dhía, cuiridh a nadhuigh an díabhail, agus teithfidh sé uáibh.

8 Druidigh ré Día, agus druidfe sé ribh: glanuidh bhur lámha a pheacacha, agus glanuidh bhur gcroidhthe a luchd na dá intinne.

9 Fuilngidh anshógh, agus déunuidh caóidh, agus gul: Iompoighthear bhur ngáire a ndoilgheas, agus bhur ngáirdeachas a ndóbrón.

10 Islighe sibh féin a bhfiadhnuise an Tighearna, agus árdéocha sé sibh.

11 Ná labhruidh go holc ar a chéile, a dhearbhráithre: An tí lábhras go holc ar a dhearbhráthair, agus an tí dhamnuigheas a dhearbhráthair, lábhruigh sé go holc ar an reachd, agus damnuighe sé an reachd: Agus má dhamnuigheann tú an reachd, ní fear coimhlíonta an reachda thú, ach breitheamh.

12 Atá áon ann do bheir reachd úadha, agá bhfuil cumhachda saortha agus sgriosda: cía thusa dhamnuigheas neach eile?

13 Súd chuige, sibh a nois a dhream a deir, Racham a niugh nó a márach dhá samhail so do chathruigh, agus do dhéunam comhnuighe innte feadh bliadhna, agus bíam ag reic agus ag ceannach, agus ag faghail eudála.

14 Agus fós gan a fhios aguibh créd é [bhur ccor] a márach: Oír créd lér cosmhuil bhur mbeatha? ré gal bhíos ré fhaicsin ar feadh tamuill, agus na dhiáigh sin théid air neimhní.

15 Sa náit ar chóir dhíbh a rádh, Do thoil an Tighearna, agus Dá rabhum béo, dhéunam so nó súd.

16 Achd a nois do ní sibh mordháil as bhur núabhar féin: is olc gach mórdháil dá shamhuil sin.

17 Uime sin an tí atá iúlmhar ar mhaith do dhéunamh, agus nach déun í, as peacadh dhó é.

CAIB. V.

Diaghaltas na ndaóine saidhbhir eugcórach; 14 & tábhachd urnuighe na bfirein.

AG súd chuige sibh a nois a dhaóine saidhbhre, déunuidh gul agus uáillfeartach, ar son na namhgar thiucfus oruibh.

2 Atá bhur saidhbhrios lobhtha, atá bhur gculuigheacha ar na nithe ó mhíoluibh críona.

3 Atá bhur nór agus bhur náirgead ar ngacadh meirge, agus biáidh a meirg na fhíadhnuise bhur nadhuigh, & cnaóidhfidh sí bhur bhfeóil mar theine: do rinneabhair cisde sa chomhair na laétheadh ndeigheanach.

4 Féuch, atá túarasdal an luchd oibre do bhean bhur nguirt, do chunnaimh sibh úatha, ag éighmhe, agus do chúadar éighmhe an luchd búana a steach a gcluasaibh Thighearna na slógh.

5 Do chaitheabhair bhur mbeatha a sáimhe agus a macnuis ar an dtalamh: tugabhair oileambuin dá bhur gcroidhthibh amhuil a ló théusda.

6 Do dhamnuigh [agus] do mharbh sibh an fireún, [agus] níor chuir sé bhur nadhuigh.

7 Uime sin a dhearbhráithre, bíghidh foighideach go teachd an Tighearna. Féuch bí an treabhach ag suireach ré toradh mórluáidh na talmhan, agus fanuidh sé ris maille ré foighid, nó go bhfaghann sé fearthuin na maidne, agus an trátha nóna.

8 Bíghidhse mar an gcéudna foighideach, [agus] neartuighe bhur gcroidhthe, óir is fogus dúinn teachd an Tighearna.

9 Ná bíghidh ag gnúsachduigh ar a chéile, a dhearbhráithre, deagla bhur ndamnuighthe: Féuch, atá an breitheamh na sheasamh ag an doras.

10 Gabhuidh chuguibh, a dhearbhráithre, na fáidhe do labhair a nainm an Tighearna, mar eisiomplàire fulaing anshóigh, agus foighide imchéine.

11 Féuch, measmaóid gur sona an drong bheir fulang úatha. Do chualabhair teachd air fhoighid Iób, agus do chonnairc sibh críoch an Tighearna: Oír atá an Tighearna lán do thruáighe, agus do thrócaire.

12 Agus roimh na huile neithibh, a dhearbhráithre, ná tabhruidh mionna, mar atá neamh, ná talamh, ná mionna ar bith eile: ach go madh hé bhur [gcomhrádh] Aseadh, aseadh, agus Ní headh, ní headh: deagla tuiteam dhíbh a ndamnughadh.

13 An bhfuil éinneach eadruibh ar na bhuáidhreadh? déunadh sé urnuighe. An bhuil subhachas ar éinneach? canadh sé sailm.

14 An bhfuil éinneach éugcruáidh eadruibh? cuireadh sé fios ar shinnsearuibh na heagluise, agus déunuidís guidhe ar a shon ar na ungadh dhoibh ré hola a nainm an Tighearna.

15 Agus sábhálfuidh urnuighe an chreidimh an teaslán, agus tóigéabhuidh an Tighearna súas é, agus má rinne sé peacuigh, do gheabhuidh sé maitheamhnas ionnta.

16 Admhuighe [bhur] gcionta dhá chéile, agus déunuidh guidhe ar son a chéile, chum go leighéosfuidh sibh: [Oír] as mór an bhrígh atá a nurnuighe dhúthrachduigh a nfiréin.

17 Do bhí Elías na dhuine anbhfann cosmhuil rinne, agus do ghuidh sé

go

go dúthrachdach ſá gan fhearthuinn do
bheith ann : & ní dhearnadh ſearthuin
ar an dtalamh feadh thrí mbliadhan
agus ſhé mios.
18 Agus do ghuidh ſé a rís, agus tug
neamh fearthuin úadha, agus tug an
talamh a thoradh.
19 A dhearbhráithre, má atá aóin
neach bhur measg ar ndul ar ſeachrán ón
bhfirinne, & gur impóigh éinneach é,
20 Bíodh a fhios aige go ſáorfuidh
an tí do iompóigh an peacach ó ſhea-
chrán a ſhligheadh, anam ó bhás, & go
gcuirfe folach ar iomad peacadh.

CEUD EPISTIL GHINEARALTA PHEADAIR ABSDAIL.

CAIB. I.

Nach nuatheagaſc, ach ſean tairrghire, ſlainte tré Chrioſd. 13 uime ſin, nach fulair ar nathchuma do reir bheatha Joſa, neach do ghoir ſinn.

PEadar abſdal Jóſa Críoſd, chum
na gcoigcrioch atá ſgartha ó
chéile ar feadh Phontus, Ghalá-
tia, Chappadócia, na Háſia, agus
na Bitinia.
2 Ar na dtogha do réir réimhfhios
Dé Athar, chum náomhthachda na Sbior-
aide, tré umhlachd agus chrothadh fola
Jóſa Críoſd : gráſa agus ſiothcháin go
ro lionmhar maille ribh.
3 Glòir agus moladh do Dhía,
eadhon Dathair ar Dtighearna Jóſa
Críoſd, noch do aithghin ſinn do réir
a mhórthrócaire, chum béomhuinighne,
tré eiſéirghe Jóſa Críoſd ó mharbhuibh,
4 Chum oighreachda neamhthruail-
ligh gan cháidhe, nach dtéid a ſeirge,
choimhéudtar ar neamh ſá bhur gcomh-
airſe.
5 Chumhduighthear ré neart Dé tré
chreideamh, chum ſlánuighe atá ullamh ré
a fhoillſiughadh ſa naimſir dheigheanuidh
6 An ní ann a bhfuil ſibhſe ag déunamh
gairdeachais, bíodh go bhfuil ſibh a
nois ré ſealad (má atá na riachdanus) ſá
thuirſe a gcathuighthibh éugſamhla :
7 Ionnus go bhfuighthigh dearbhadh
bhur gcreidimh is rouáiſle na ór théid
air neimhni, bíodh go ndearbhthar é
lé teine, na mholadh, agus na onóir,
agus na ghlóir an tan fhoillſeóchas
Jóſa Críoſd é féin :
8 An tí dhá dtugabhair grádh, bíodh
nach bhfacabhair é : ann a bhfuil ſibh a
nois ag creideamh, gé nach léir dhibh é :
[agus as] a ndéuntaói gairdeachas ré
luathgháire dhóſhaiſnéis, ghlórmhar :
9 Ag glacadh chríche bhur gcreidimh
ſláinte na nanmann.
10 An ſlánughadh ar a ndearnadar
na ſáidhe lórgaireachd & cúartughadh
noch do rinne ſáidheadóireachd ar
an ngrás [do thiucfadh] chuguibhſe,
11 Ag cúartughadh créd í a nuair
nó a naimſir do fhoillſéochadh Spiorad
Chríoſd noch do bhí ionntadh, ag déu-
namh réimhfiadhnuiſe air na neithibh
do bhí a ndán do Chríoſd fhulang, agus
an ghlóir romhór do leanfadh dhíobh :
12 Dár foillſigheadh, nach dóibh féin
ach dúinne do dhéunaidis minioſdrálachd
na neitheann atá a nois ar na bhfoill-
ſiughadh dhíbhſe leis an druing lér
ſeanmóruigheadh an ſoiſgéul dibh trés
an Spiorad náomh do cuireadh ó neamh
a núas : na neithe is mían ris na
hainglibh fhaicſin.
13 Uime ſin ar gcreaſrughadh leaſ-
ruigh bhur ninntinne dhíbh, maille ré
meaſarrghachd, bíodh dóchas diongmhálta
aguibh as an ngrás atá ar na thabhairt
chuguibh a dtaisbéunadh Jóſa Críoſd ;
14 Mar chloinn na humhlachda, gan
bheith dhíbh dá bhur nathchuma féin
ris na hainmíanuibh [do ghnáthuigh
ſibh] roimhe, ann bhur nainbhfios.
15 Ach do réir mar atá an tí do
ghoir ſibh náomhtha, bíghidhſe mar an
gcéudna náomhtha ſa nuile choinbhear-
ſáid.
16 Do bhrígh go bhfuil ſgríobh-
tha, Bíghidhſe náomhtha, óir atáimſe
náomhtha.
17 Agus dá ngoiridh ſibh Athair don
tí do ní breitheamhnus do réir gníomha
gach aóin, gan féuchain do phearſuinn
ſeach a chéile, caithidh aimſir bhur
noilirthe maille ré faitcheas.
18 Ar mbeith a fhеaſa aguibh nach
lé [neithibh] truáillighe, ré hairgead ná
hór do ſúaſgladh ſibh ó bhur gcoin-
bhearſáid dhíomaóin dár leanabhair do
réir luirg na ſinnſear :
19 Ach ré fuil mhórluáidh Chríoſd,
amhuil uáin gan cháidhe, gan lochd.
20 Noch do hórduigheadh roimh
chruthughadh an domhain, ach do
foillſigheadh ſna haimſearuibh deighea-
nacha ar bhur ſonſa.
21 Noch thríd ſean chreideas a
Ndía, do thóg ſúas é ó mharbhuibh,
agus tug glóir dhó, ionnus go mbeith
bhur gcreideamh agus bhur muinighin a
Ndía.
22 O rinneabhair bhur nanmanna
glan a numhlachd na fírinne trés an
Spiorad, chum grádha bráithreamhuil
gan fhallás, bíodh grádh díoghrai-
ſeach aguibh dhá chéile ó chroidhe
ghlan :
23 Ar mbeith dhíbh ar bhur naith-
ghineamhuin ó ſhíol, nach truáillighe,
ach neamhthruáillighe, trés bhréithir
Dé,

Dé, mhaireas, agus chomhnuigheas go
ſiorruidhe.
24 Oír [atá] a nuile ſheóil mar
an bhféur, agus a nuile ghlóir dhàonna
mar bhláth a nféir: Searguidh an féur,
agus tuitigh a bhláth dhe:
25 Ach ſanuigh briathar an Ti-
ghearna go ſiorruidhe: agus á ſi
ſo an bhriathar do ſoiſgéulughadh
dhíbhſe.

CAIB. II.

A naitreabh do thógbhail ar Josa, an phriomh chloch uilinn.

UIme ſin ar gcur na huile aingidh-
eachda, agus mheabhla, agus
ſhalláis, agus thnutha, agus a nuile
ithiomráidh uáibh,
2 Mar naóidheannaibh nuâidhbhear-
tha, bíodh fonn aguibh a mbainne
ſhíorghlan na bréithre, chum bheith
dhíbh ag ſás ris:
3 Má bhlaiſeabhair créd é millſe an
Tighearna.
4 An tí chum a bhfuil ſibh ar dteachd,
noch is cloch bhéo, do diultadh ó
dhaóinibh, achd atá toghtha, mórluáidh
ag Día:
5 Agus bíghidhſe mar bhéochloch-
aibh, tógtha ſúas bhur dtigh ſpio-
radálta, bhur ſagartachd náomhtha,
chum iodhbarthadh ſpioradálta dfo-
ráil ar a mbiáidh gean ag Día tré
Jóſa Críoſd.
6 Uime ſin atá ſgríobhtha ſa
ſgrobtuir; Féuch, cuirím a Sion priomh-
chloch an chuáinne, toghtha, mór-
luáidh; agus an tí chreideas innte ní
bhſuighe ſé náire.
7 Ar a nadhbharſin [atá ſi] na honóir
dhíbhſe agá bhfuil creideamh: ach
don druing atá eaſumhal, don chloich
úd do dhiultadar na ſaóir do rinneadh
cloch chinn an chuáinne;
8 Agus cloch oilbhéime, agus car-
ruic thuiſlidh don druing bhíos eaſu-
mhal, do gheibh oilbhéim, ſin
mbréithir chum ar hórduigheadh fós
ſad.
9 Achd [is] cinéul toghtha ſibhſe,
ſagarthachd ríogha, cineadh náomhtha,
pubal ar leith: ionnus go bhfoillſéo-
chadh ſibh ſubháilcidhe an tí do ghoir
ſibh as dorchadus chum a [ſholais iong-
antuigh féin.
10 Noch a nallód nach raibh bhur
bpobal, achd a nois as pobal do Dhia
ſibh: a dhream nach bhfuáir trócaire,
atá ſibh a nois ar bhfaghâil trócaire.
11 A cháirde, íarruim dathchuinghe
oruibh, mar dhéoruidhibh & oilírthibh,
ſibh féin do ſheachna ar ainmhíanuibh
na colla, noch bhíos ag cathughadh
a nadhuigh a nanma.
12 Bíodh deaghchoinbhearláid aguibh
a meaſg na gcineadhach, ionnas a
náit a nithiomráidh do níd oruibh
mar luchd mighníomh, go madh béidir
ríu as na deaghoibribh do chífid ſiad,
glóir do thabhairt do Dhia, ſa lá na
bhféuchſuidh orrtha.
13 Uime ſin bíghidh umhal dá gach
uile chréutúr dáonna ar ſon an Ti-
ghearna: ní hé amháin don Rí, mar
an tí agá bhfuil áirdcheannas:
14 Ach do na húachdaránuibh mar
an gcéudna, mar an luchd curthar
úadh, chum díoghaltuis ar luchd na
míghníomh, agus chum molta luchd
na ndeighghníomh.
15 Oír is mar ſin ag déunamh maith-
eaſa dhíbh, as toil lé Día ſrían do
chur ré hainbhfios na ndaóineadh
éigcéillidhe.
16 Mar dhaóine ſaora, agus ní mar
an druing agá bhfuil an tſaóirſe na
brat foluidhthe a nuilc, ach mar
ſhearbhſhoghantuighidh Dé.
17 Tuguidh onóir do na huile
dhaóinibh. Grádhuighe na dearbhráith-
re. Bíodh eagla Dé oruibh. Tuguidh
onóir don Rí.
18 A ſhearbhfoghantuighidh, bíghidh
umhal dá bhur maighiſdribh maille
ris a nuile ſhaitcheas, ní hé amháil
do na [maighiſdribh] maithe deagh-
chroidheacha, ach fós do na droch
mhaighiſdribh.
19 Oír is ní ſo is fíu buidheachas,
dá niomchruidh neach doilgheas ar
ſon coinnſiáis Dé, ag fulang na héug-
córa.
20 Oír créd é mar ádhbhar molta,
dá niomchra ſibh gabháil do dhór-
nuibh oruibh, ar ndéunamh peacuigh
dhíbh? ach dá bhfuilnge ſibh go foighi-
deach, agus ſibh ag déunamh maitheaſa,
as ní ſin dá bhfuil Día buidheach.
21 Oír is chuige ſo fós do goireadh
ſibh: óir do ſhuluing Críoſd mar an
gcéudna air ar ſoinne, ag fágbháil
ſómpla aguinn, ionnus go leanſadh ſibh
a lorg.
22 An tí nach dearnuidh peacadh,
agus ag nach frith meabhail na bhéul.
23 An tí nach dearnuidh anchaint
a nadhuigh na hanchainte do rinneadh
air: nach dearnuidh bagar, ag fulang
dhó: ach tug [é féin] a láimh an tí
do ní breitheamhnus go ceart.
24 An tí diomchair ar bpeacuighne
ann a chorp féin air an gcrann, ionnus
air mbeith dhùinne marbh do na
peacuighibh, go mairfemís do nfíréun-
tachd: an tí agár leigheaſadh ſibhſe
ré na chréuchduibh.
25 Oír do bhábhair mar chàorchuibh
ſeachráin, achd a nois do ſilleadh
ſibh go háodhaire agus go heaſbog
bhur nanmann.

CAIB. III.

Umhlachd na mban da mfearaibh, 7 ... iomchar ſulmhar na mfear da mnáibh.

BIódh na mná mar an gcéudna
umhal dá bhfearuibh, ionnas go
bhféudfuidhe an dream nach dtabhair
umhlachd

umhlachd don bhréithir, do tharruing
a bhféugmhuis na bréithre tré choinbhear-
sáid na mban,
2 An tan chífid siad bhur gcoin-
bhearsáid gheanmnuidh maille re fait-
cheas.
3 Nar go foiriomlach bhías a
maise, a ngruáig chasda, ná a gcur
óir na dtimchioll, ná a gcur chuluigheach
orrtha:
4 Ach [go madh hé a maise] duine
folaigheach an chroidhe, a neamh-
thruáilleadh spioruide ceannsa ciúin,
noch is morluáich a bhfiadhnuise Dé.
5 Oir is mar so nìódh a nallód
na mná náomhtha do chuireadh a
muinighin a Ndia, íad féin do dheagh-
mhaisiughadh, ar mbeith dhóibh umhal
dá bhfearuibh:
6 Amhuil tug Sára umhlachd Dá-
braham, ag gairm Tighearna dhe:
dárob ingheana sibhse, an feadh do
ní sibh maith, agus nach ccriothnui-
ghthear sibh ré faitchios ar bith.
7 A fhiora mar an gcéudna, déu-
naidh comhnuighe a bhfochair bhur
mban, mar is cubhaidh do dhaóinibh
eólmhara, ag tabhairt onóra don
mhnaói, amhuil don tsoitheach as laige,
amhail fós atá sibh bhar gcomhoigh-
ribh ghrás na beatha, deagla thoirmisg
do chur ar bhur nurnuighibh.
8 Fá dheóigh, [bighidh] uile déininn-
tinn, ag comhfhulang ré chéile:
biodh grádh bráthargha eadruibh:
[bighidh] trócaireach, sochaidridh:
9 Ná déunuigh olc a nadhuigh
uilc, ná anchaint a nádhuigh anchain-
te: ach go contrárgha dhó sin, tu-
garaidh bhur mbeannachd, ar mbeith a
fheasa aguibh, gur chuige so do
goireadh sibh, ionnas go bhfuigheadh
sibh féin beannachd mar oighreachd.
10 Oir gidh bé agá bhfuil dúil ann
a bheatha, agus ré ar mían laéthe
maithe dfaicsin, congmhadh sé a
theanguidh na tochd ó olc, agus a bhéul
ó mheabhuil a labhairt:
11 Seachnadh an tolc, agus déunadh
an mhaith: iárradh an tsíothcháin,
agus leanadh dhi.
12 Oir [atáid] súile an Tighearna
ar na fíreunuibh, agus a chlúasa os-
guilte dhá nurnuighe: achd [atá] gnúis
an Tighearna a nadhuigh na druinge
do ní na huilc.
13 Agus cía dhéunas olc oruibh má
leanann sibh don mhaith?
14 Gidheadh fós má fhuilngthidh ar
son na fíreúntachda, atá sibh bean-
nuighe: agus ná bíodh eagla [mar]
a neaglasan oruibh, agus ná bighidh
buáidheartha.
15 Ach náomhuigh an Tighearna
Dia ann bhur gcroidhthibh; Agus
bighidh ullamh do ghnáth lé freagra
do thabhairt uáibh do gach aóinneach
fhiafras oruibh réusún na muinighne
atá aguibh, maille ré ceannsachd agus
ré faitcheas,
16 Ar mbeith do choinnsias maith
aguibh: ionnas an tan labhruid go
holc oruibh mar luchd mígniomh, go
mbíadh náire orrtha ag fagháil loch-
da ar bhur ndeaghchoinbhearsáid a
Gcríosd.
17 Oir is fearr [dhíbh,] mas
amhluidh as toil lé Día é, fulang
ag déunamh maitheasa, ná ag déu-
namh uilc.
18 Oir do fhuluing Críosd fós
éunuáir amháin ar son na bpeacadh,
an fíréun ar son na neimhfhiréun:
ionnus go dtiubhradh sinne chum Dé:
do bhásuigheadh é a dtáobh na col-
la, ach do béodhuigheadh é ris an
Spioruid.
19 Tré a ndeachuigh sé fós do
sheanmóir do na spioraduibh a bpríó-
sún;
20 Noch do bhí easumhal a nal-
lód, an tan do fhan foighid fhada
Dé a láethibh Náoi, an feadh do bhí
a náirc dha hullmhughadh, ionar
cáomhnadh beagán, eadhon ochd bpear-
sanna, tré uisge.
21 A ní fós ré dtig an baisdeadh
ré sáorthar sinne a nois, ag freagra na
heisiomplára sin, (ní hé cur uáinn shal-
chair na colla, ách siarfuidhe dheagh-
choinsíáis a dtáobh Dé,) tré eiséirghe
Jósa Críosd.
22 Noch atá ar deis Dé, tar éis
dul ar neamh, dá bhfuilid na haingil,
agus na cumhachda, agus na subhailcidhe
fá umhlachd.

CAIB. IV.

Gur brosdughadh go deagh ghniomh, fulang Chriosd air ar son, 7 & crioch an dombain bheith ag drud rinn.

UIme sin ó dfulaing Críosd air ar
soinne sa gcoluinn, cuiridhse an
smuáineadh céudna na arm iomuibh,
eadhon an tí dfulaing sa gcoluinn, gur
sguir sé ó pheacadh,
2 Ionnus nách ccaithfeadh sé feasda
fuigheall na haimsire [atá aige] sa
gcoluinn, réir ainmhían na ndaóineadh,
ach réir thola Dé.
3 Oir is lór dhúinn an mhéid do
chuáidh thoruinn dár mbeatha do
chaitheamh réir thola na gcineadhach,
ar mbeith dhúinn ag siubhal a macnas,
a nainmhianuibh, a misge, a gcráos, a
bpótaireachd, agus a níodhaladhradh
aindlightheach.
4 An ní ann a bhfaghuid iongnadh,
gan sibhse rioth ríu sa neimhmea-
sarrghachd chéudna, ag labhairt go
masluigheach oruibh:
5 An dream bhéuras conntas uatha
don tí atá ullamh chum breitheamh-
nuis do dhéunamh air bhéodhuibh &
air mharbhuibh.
6 Oir as chuige so do seanmòrui-
gheadh

ghadh an ſoiſgéul do na marbhuibh mar an gcéudna, chum breitheamhnuis do dheunamh orrtha réir dhaóineadh ſa gcoluinn, agus chum marthana dhóibh réir Dé ſa ſpioruid.

7 Agus atá críoch na nuile neitheann ag druid rinn: Uime ſin bíghidh meaſárrgha, agus déunuigh faire a nurnuighibh.

8 Agus roimh na huile neithibh bíodh grádh ró dhíoghraiſeach aguibh dhá chéile: óir cuirfidh an grádh ſolach ar iomad peacadh.

9 Tuguidh aóidheachd dá chéile gan mhonmar.

10 Ag déunamh miniosdralachd dá chéile, gach áon réir an tiodhlaice fuáir ſé, mar fheadhmanntacha maithe ghrás éugſamhuil Dé.

11 Má labhrann éanneach, [lábhradh] mar bhríathra Dé: má ní éainneach miniosdrálachd [déunadh í] réir na hacfuinne bheir Día úadh: ionnus go bhfuighe Día glóir ſna huile neithibh tré Ióſa Críoſd, agá bhfuil glóir agus cumhachda go ſáoghal na ſáoghal. Amén.

12 A cháirde, ná bíodh iongnadh aguibh ſa dteaſdughadh tinntighe, do nithear oruibh chum bhur ndearbhtha, amhuil do theigéumhadh ní éigin coimhthigheach dhibh:

13 Ach go madh haóibhinn libh ſibh féin do bheith pártach ré buáidhearthuibh Chríoſd, ionnus go mbiáidh gáirdeachas agus neanma mhór oruibh mar an gcéudna, an tan fhoillſéochar a ghlóirſion.

14 Má mhaſluighthear ſibh ar ſon anma Chríoſd, atátháoi beannaighe: óir do ní Sbiorad na glóire, agus Dé comhnuighe orúibh: [noch] do gheibh maſla dha dtáobhſan, agus glóir dá bhur dtáobhſa.

15 Ach cheana ná fuilngeadh éunduine aguibh mar fhear dúnmharbhtha, nó mar bhitheamhnach, nó mar fear míghníomh, nó mar neach ſhaitheas é féin a neithibh nach beanann ris:

16 Ach má [fhuilngeann ſé] mar chríoſduighe, ná gabhadh náire é: ach tugadh glóir do Dhia dhá tháobh.

17 Oir [tháinic] aimſir an bhreitheamhnuis do toſughadh ó thigh Dé: Agus más uáinne thoſuighthear é, créd bhus críoch don druing atá eaſumhal do ſhoiſgéul Dé?

18 Agus más air éigin ſháorthar an fíréun, ca háit a dtaisbéunſa an duine neimhdhiagha agus an peacach é féin?

19 Uime ſin an dream fhuilngeas réir thola Dé, táobhaidis a nanmanna ris mar chruthaighthéoir díleas, a ndéunamh na maitheaſa.

CAIB. V.

An Miniſdir do riaghladh an phobail le neart Bhreithre Dé, & ni re foirrneirt láimhe, mar thighearnadhaibh ſaoghalta.

IArruim dathchuinghe ar na ſeanóiribh bhur meaſg, ar mbeith dhamh féin fós um ſheanóir, agus um fhíadhnuiſe ar na neithibh do fhulaing Críoſd, agus um phártuighe a dtáobh na glóire atá ré hadhuigh a fhoillſighe,

2 Beathuighidh tréud Dé do ſágbhadh táobh ribh, ar mbeith dhá churam oruibh, ní tré éigean, ach go toilteanach: ní ar ſon éudála neamhghloine, ach maille ré hinntinn ullaimh.

3 Ní mar do bhíadh ſibh bhur Dtighearnaidhibh ós cionn eagluiſe Dé, ach mar dhruing atá na neiſiompláire don tréud.

4 Agus an tan fhoillſéochar an tárdáodhaire, do gheubha ſibh coróin mharthannach ghlóire:

5 Mar an gcéudna a dhaóine óga, tuguidh umhla do na ſinnſearuibh: & bíghidh uile umhal dá chéile: Déunuidh ſibh féin deaghmhaiſeach don táobh a ſtigh ó umhlachd inntinne: óir Cuiridh Dia a nadhuigh na nuáibhreach, agus do bheir gráſa do numhal.

6 Uime ſin umhluidhe ſibh féin faói láimh chumhachduigh Dé, chum bhur nárduighe dhó a nam iomchubhaidh.

7 Téilgidh bhur nuile chúram airſion, óir is cúramach é bhur dtimchioll.

8 Bíghidh meaſarrgha: déunuidh faire: óir atá bhur namhuid an díabhal, mar leomhan bhéicſeach, ag gabháil fa gcuáirt dá fhéuchain cía ſhluigſeadh ſé.

9 Cuiridhſe na adhuigh [ar mbeith dhibh] láidir a gcreideamh, ar mbeith a fheaſa aguibh go gcoimhlíontar na buáidheartha céudna ſa gcuid eile dá bhur dearbhraithribh atá ſa tſáoghal.

10 Agus Día na nuile ghrás, noch do ghoir ſinn chum a ghlóire ſíorruidhe a Níoſa Críoſd, tár éis beagáin buáidheartha dſulang dhibh, go ndéuna ſé féin ſibh iomlán; go neartuighe, go láidrighe, agus go ndaingnighe ſé ſibh.

11 Glóir agus cumhachd dhóſan go ſáoghal na ſáoghal. Amén.

12 Ré Silbhánus dearbhráthair díleas do réir bharamhla, do ſgríobh mé go haithghearr chuguibh, ag teaguſg, agus ag déunamh fiadhnuiſe gur ab é ſo fíorghrás Dé ann a bhfuil ſibh ag ſeaſamh.

13 Cuiridh a [neagluis] atá ſa Mbaibilóin do toghadh má ráon ribh, agus mo mhac Marcus, beatha agus ſláinte chuguibh.

14 Teannuidh ſibh féin ré chéile maille ré póig charthannachda. Síothcháin maille ribh uile an mhéid aguibh atá a Níoſa Críoſd. Amén.

DARA

DARA EPISTIL GHINEARALTA PHEADAIR ABSDAIL.

CAIB. I.

A ntogha do dheanamh cinnteach dhóibh féin, tre ſhubhailce Chríoſd do leanmhuin ; 16 neach do dhearbhadh na Mhac Dé, ó na Habſdaluibh, ón Athar, ⁊ ó na Fáighibh.

SImón Peadar ſearbhfhoghantuigh agus abſdal Jóſa Críoſd, chum na druinge ſuáir creideamh comhmórluáidh rinne, tre fhiréuntachd ar Ndé agus ar ſlánaightheóra Jóſa Críoſd.

2 Gráſa agus ſíothchain go ro lionmhar maille ribh, tré eólas Dé, agus Jóſa ar Dtighearna ;

3 Mar do thiodhluic a chumhachd díaghaſan na huile neithe dhúinne[bheanas] ré beatha agus ré díaghachd, tré eólas an tí do ghoir ſinn chum glóire agus ſubhailce.

4 Tré a dtug ſé dhúinn geallamhnacha ro mhóra mórluáidh, ionnus go mbíadh thrítheadh ſo cumann aguibh ris a nádúir dhíagha, ar mbeith dhíbh ag ſeachna an truáillidhe atá ſa tſáoghal tré ainmhían.

5 Agus fós ar ndéunamh na huile dhúthrachda dhíbhſe dhá tháobh ſo, cuiridh ſubhailcidhe ré bhur gcreideamh, agus eólas ré bhur ſubhailcidhibh.

6 Agus meaſarrghachd ré bhur neólas, agus foighid ré bhur meaſarrghachd, & díaghachd ré bhur bhfoighid.

7 Agus cáoineas bráithreamhuil ré bhur ndíaghachd, águs grádh re bhur gcáoineas.

8 Oír má bhíonn na neitheſe eadruibh, agus iad ag líonadh, do bhéuruid oruibh gan bheith díomháoin, ná neamhthórthach a neólas ar Dtighearna Ióſa Críoſd.

9 Oír an tí atá gan na neitheſe aige, atá ſé dall, agus ní léir dhó ní ar bith a bhfad úadh, ar na dhearmad dó gur glanadh é ó na ſheanpheacuighibh.

10 Uime ſin a dhearbhráithre, go madh móide dhéunas ſibh dúthrachd, ré bhur ngairm agus re bhur dtogha do dhéunamh diongmhalta: óir má ní ſibh na neitheſe, ní bhfuighe ſibh leagadh choidhche.

11 Oír as ámhluidh ſo gheabhus ſibh go fairſing ſlighe ré dhul a ſteach a rioghachd ſhiorruidhe ar Dtighearna & ar ſlánaightheóra Jóſa Críoſd.

12 Ar a nadhbharſa ní dhéuna mé faillidhe ré bheith ag ſíorchuir na neitheannſa a gcuimhne dhíbh, bíodh go bhfuil ſibh iúlmhar agus daingean ſa bhfírinne atá a lathair.

13 Ach cheana meaſuim gur cóir an feadh bhías mé ſa mboithſe ſibhſe do dhúſachd ré bhur gcur a gcoimhne :

14 Ar mbeith a fheaſa agum gur fogas damh ám ſgáoilte mo bhoithe amhuil fós do thaisbéin ar Dtighearna Jóſa Críoſd dhamh.

15 Agus fós do dhéun mo dhithchioll do ghnath tair éis mimtheachd, go madh héidir ribhſe na neitheſe chuimhniughadh.

16 Oír ní ag leanmhuin do ſgéultuibh ealadhanta ſabhuill do bhámar, an tan do fhoillſigheamar dhíbhſe cumhachda agus teachd ar Dtighearna Jóſa Críoſd : ach do chonncamar ré ar ſúilibh féin a mhórghachd.

17 Oír ſuáir ſé onóir agus glóir ó Dhia Athair, an tan tháinic a ſhamhuil ſo do ghuth chuige ón nglóir mhórghaſin Ag ſo mo mhac grádhachſa, ann a bhfuil mo dheaghthoil.

18 Agus do chualamairne an guth ſa tháinic ó neamh, ar mbeith dhúinn na fhochairſean ar a tſliabh náomhtha.

19 Agus atá aguinn briathar na bhfáidheadh as deimhnighe [ná ſin], dana maith do ní ſibh aire do thabhairt, amhuil do lóchrann ſhoillſigheas a nionadh dhorcha, go ſoillſiughadh an láoi, agus go héirghe do réult na maidne ann bhur gcroidhthibh.

20 Ar mbeith fhios ſo aguibh ar tús, nach bhfuil fáidheadóireachd ar bith don ſgriobtúr, ó eidirmhíniughadh [thig ó dhuine] féin.

21 Oír ní réir thola duine tháinic an fháidheadoireachd a nallód, ach do labhráidis dáoine náomhtha Dé, réir mar do ſeóltuighe iad ón Spiorad náomh.

CAIB. II.

Tairrghir ioma lionmhaireachd, nádur, cleaſradh, ⁊ ſmachd na bfáighe falſa.

AGus do bhádar mar an gcéudna fáidhe fallſa a meaſg an phobuil, amhuil bhías fós luchd teaguiſg fallſa eadruibhſe, noch bhéurus a ſteach ós íſeal eireceachd dhamnuighthe, agus ſhéunfás an Tighearna do cheannuigh íad, ag tarruing ſgreaſda obuinn orrtha féin.

2 Agus leanfuid morán a dteaguiſg damnuighthe, ré maiſleachar ſlighe na fírinne.

3 Agus tré ſhaint béid dá bhur nimcheannuigheachd maille ré briathruibh blaſda ; dream dhár [cinneadh] fada ó ſhin damnughadh nách dtéid a ſhíneadh, agus ní ghabhann codladh an ſgrios thiucfus orrtha.

4 Oír monar choigil Día na
haingil do pheacuidh, ach ar na
dteilgean síos go hifrionn dó, go dtug
iad do shlabhraidhibh an dorcha-
duis chum a gcongmhála ris an mbrei-
theamhnus:
5 Agus monar choigil sé an sean-
domhan, ach gur sháor sé Náoi an
tochdmhadh [pearsa] seanmóntuighe
na fíréuntachda, ar dtabhairt na
díleann dó ar a ndomhan na ndáoineadh
neimhdhíagha ;
6 Agus ag déunamh luáithridh
do chaithreachuibh Shoduim agus
Ghomorra, do dhamnuigh sé iad
maille ré na sgrios, ar na ndéunamh na
neisiompláir don druing do chaithfeadh
a mbeatha go neimhdhíagha ;
7 Agus do sháor sé Lot an fír-
éun do tuirsigheadh rè coinbhearsáid
neamhghloin na ndáoineadh neimh-
dhíagha:
8 (Oír ar mbeith don fhíréun úd
na chomhnuidhe eatorra, fuáir a
anam fíréunta a phíanadh ó lá go lá
ré na ngníomharthuibh neimhdhlis-
dionacha, dá bhfaicsin agus dá gcluinn-
sin dó.)
9 As eól don Tighearna na dáoine
díagha sháoradh ó chathughadh, agus na
dáoine neimhfhíréunta choimhéud go
lá an bhreitheamhnuis a bpeannuid ;
10 Agus go mòrmhór an dream
leanus ainmhíana na colla a neamh-
ghloine, agus do bheir neimhchion ar
uachdaránachd ;[ar mbeith dhóibh] an-
dána, lán asda féin, ní bhíonn faitcheas
ortha fá anchaint do dhéunamh ar an
luchd atá a gcumhachduibh árda.
11 An tan nach beirid na hain-
gil féin atá ós a gcionnsan a neart
agus a gcumhachduibh, breath mhasluí-
gheach na nadhuigh a bhfíadhnuise an
Tighearna.
12 Ach bhíd an dreamsa, mar ain-
mhinntibh brúideamhla leanas dá ndú-
chas, noch do cruthuigheadh chum a
ngabhála agus a sgriosda, ag labhairt go
masluigheach air na neithibh nach
aithnidh dhóibh, sgriosfuighthear iad an
a dtruáilleadh féin.
13 Agus do ghéubhuid síad túarasdal
na héugcóra, mar an druing mheasas gur
sáimhe sógh gach láoi ; buill cháidheacha
shalcha, bhíos lán dsonn ann a meall-
tóireachd féin, an tan bhíd bhur bhfo-
chair ar fhéusduidhibh.
14 Agá bhfuilid súile lán dadhal-
trannas, agus nach bhféudann sgur do
pheacadh, ag mealladh na nanmann
neimhsheasmhach: agá bhfuilid croidh-
the do bheir iad féin do ghnáth do
shaint, clann na mallachd :
15 Noch do sheachuin an tslighe dhí-
reach, agus do chuáidh ar seachrán, ag
leanmhuin luirg Bhálaaim mhic Bósoir
noch tug grádh do thuarusdal na
héugcóra.
16 Ach fuáir sé achmhusán ar son
a pheacuigh : do labhair an beathach
balbh do ghlór dháonna, agus do
thoirmisg sé an mhíchiall do bhí ar an
bhfáidh.
17 As tobair gan uisge iad so,
neóill dá dtiomáin ré sdoirm ghaoi-
the: agá bhfuil an dorchadas fíor-
dhorcha dhá thaisge fá a gcomhair go
síorruidhe.
18 Oír ar mbeith dhóibh ag la-
bhairt bhríathar uáibhreach gan
éifeachd, meallid síad ré hainmhia-
nuibh macnusacha na colla, an dream do
dhealuigh beagán ré luchd an tseachráin
do leanmhuin:
19 Ag geallamhuin sáoirsi dhóibh, a-
gus gan ionntadh féin ach seirbhísigh
don truáilleadh: óir gidh bé ní bheireas
buáidh ar neach, do ní an ní céudna fós
seirbhíseach dhe.
20 Oír tar éis dealuighe dhóibh ré
neamhghloine an tsáoghailse, tré eólas
an Tighearna agus an tslanaightheóra
Íósa Críosd, dá gcraiplighthear iad a
rís innte, ar na sárughadh, as measa a
gcríoch dheigheanach ná a dtosach.
21 Oír do bhfearr dhòibh gan
eólas do bheith aca ar shlighe na
fíréuntachda, ná tar éis eólais dfa-
ghail, impógh dhòibh ó náithne
náomhtha tugadh dhóibh.
22 Gidheadh do éiridh dhóibh do
réir an tseanfhocail fhírinnigh: Do
fhill an madradh tar a ais chum
aithsgeathruighe, agus an mhuc do
bhí ar na nighe, chum a húnfurtaigh
sa laithigh.

CAIB. III.

Ge mór sgige na daoine bolgaeh uime sin, tiocfuidh Críosd ina ló fein do bhreith bhreitheamhnuis orra.

AG so a nois an dara heipisdil
sgríobhuim chuguibh, a chairde,
ré bhfuilim ag togbháil súas bhur
ninntine fhíorghloin, dá bhur gcur a
gcuimhne.
2 Ionnus go mbíadh cuimhne aguibh air
na bríathruibh do labhradar na fáidhe
náomhtha roimhe so, & air a náithne
tugamairne absdail an Tighearna & an
tslánaightheóra uáinn.
3 Ar mbeith fhios so aguibh ar
tús, go dtiucfuid sna laéthibh deighea-
nacha, luchd sgige, leanfus dá nain-
míanuibh féin:
4 Agus a déuruid, Ca háit a bhfuil
geallamhuin a theachda ? óir ón tráth sa
ndeachadar na haithreacha dhéug, fa-
nuid na huile neithe a néunsdaid ó thús
an chruthuighe.
5 Oír atáid na ainbhfios so déun-
toisg, go raibh neamh ann fada ó shin
tré bhréithir Dé, agus an talamh sheasas
go daingean as a nuisge agus ann sa
nuisge.
6 Uime sin an domhan a nuáirsin, do
sgriosadh é, ar dteachd don díle thairis.

7 Achd neamh agus talamh a nois
rid dá dtaiſge ris an mbréithir gcéudna
á gcoimhéud fá chomhair teineadh, go lá
amnuighe & ſgrioſda na ndáoineadh
eimhdhíagha.
8 Agus a cháirde, ná biodh an táoin
ſe na ainbhfios oruibh, go bhfuil éun-
amháin ag an Dtighearna mar mhíle
bliadhan, agus míle bliadhain mar eunlá
amháin.
9 Ní cuireann an Tighearna muill
a gheallamhuin (mar mheaſuid
ream áirighe muill) achd atá ſé foigh-
deach rinne, do bhrígh nach mían ris
inneach dhul amugha, ach na huile
áoine theachd chum aithrighe.
10 Gidheadh tiucfuidh lá an Tigh-
rna mar ghaduighe ſa noidhche, ann a
chuidh neamh thoruinn maille ré tor-
in, & ann a mbéid na dúile ag lea-
hadh ré teas, & ann a loiſgfighthear
n talamh, & na hoibreacha atá air.
11 Uime ſin ós éigin na neitheſe
le do ſgáoileadh ó chéile, créd an
chd ann ar cóir dháoibhſe bheith, dá
ur ſiriomchar féin go náomhtha agus
o diágha.
12 Maille ré bheith dhíbh ag fui-
each agus ag déunamh deithnis ré
Dé theachd, ann a ſgáoilfighthear
eamh ó chéile, ar mbeith dhó tré
einidh, agus ann a mbéid na dúile
ag leaghadh ré teas:
13 Achd atá ſúil aguinne, do réir a
gheallamhnaſan, ré neamhuibh núadha
agus ré talamh núadh, ann a gcomh-
nuigheann an fhiréuntachd.
14 Uime ſin a cháirde, ó atá ſúil
ris na neithibhſe aguibh, bíghidh dúth-
rachdach chum bhur bhfagħála dhóſan
gan cháidhe gan chiontuibh a ſíothcháin.
15 Agus meaſuidh foighid fhada ar
Dtighearna mar ſhlánughadh, amhuil
do ſgríobh fós ar ndearbhráthair grá-
dhach Pól chuguibh, do réir na heagna
tugadh dhó:
16 Amhuil fós ann a éipiſdlibh uile,
ag labhairt ionntadh ar na neithibhſe, an
a bhfuilid neithe áiridhe atá dothuigſi-
ghe, noch iompoighid an dream neamh-
fhoghlomtha, neimhſheaſmhach ón gcéill
dhírigh, amhuil [do níd] an chuid eile
do na ſgrioptúruibh mar an gcéudna,
chum a ndamnuighthe féin.
17 Ar a nádhbharſin a cháirde, ó atá
fios aguibh roimh láimh, tuguidh aire ribh,
deagla ar mbeith meallta ré ſeachrán na
druinge neimhdhíagha ſin, go dtuitſeadh
ſibh ó bhur ndiongmhaltachd féin.
18 Ach bíghidh ag fás a ngrás, a-
gus a neólas ar Dtighearna agus ar
ſlanaighthеóra Jóſa Críoſd: glóir
dhóſan a nois agus go ſiorruidhe
Amén.

CEUD EPISTIL GHINEARALTA EOIN ABSDAIL.

CAIB. I.

Cumann dhuine ré Dia, ó ar na dhearbhadh le beatha ſhoillſier ghlan.

AN ní do bhí ann ó thús,
an ní do chúalamar, an
ní do chonncamar ré ar
ſúilibh féin, an ní air ar
fhéuchamar, & do ghlaca-
dar ar lámha, a dtáobh
bréithre na beatha;
2 (Oir do foillſigheadh an bheatha, &
do chonncamairne, agus do do nimid
fiadhnuiſe, agus foillſighemid dibhſe
an bheatha mharthannach úd, noch do
bhí ag a Nathair, agus atá ar na foill-
ſighadh dhúinne.)
3 An ní do chonncamar agus do chúa-
lamar, atámáoid dhá fhoillſiughadh
dhibhſe, ionnus go mbíadh cumann
aguibhſe mar an gcéudna rinne: agus ar
gcumainne fós ris a Nathair, agus ré na
Mhac Jóſa Críoſd.
4 Agus ſgríobhamáoid na neitheſe
chuguibh, chum bhur ngáirdeachais do
bheith iomlán.
5 Agus a ſí ſo an teachdairéachd do
chúalamar úadhaſan, agus fhoillſighea-
máoid dhibhſe, eadhon Gur ſolas é
Dia, agus nach bhfuil dorchadus ar
bith ann,
6 Dá nabram go bhfuil cumann
aguinn ris, agus ſinn ag ſiubhal a ndor-
chadus, do nímid bréug, agus ní lean-
máoid an fhírinne.
7 Ach da ſiubhlam ſa tſolas, amhuil
atá ſeiſion ſa tſolas, atá cumann
aguinn ré chéile, agus glanuidh
ſuil Jóſa Críoſd a mhicſion ſinn ó nuile
pheacadh.
8 Dá nabram nach bhfuil peacadh
oruinn, atámuid dár mealladh féin, agus
ní bhfuil an fhirinne aguinn.
9 Dá nadmham ar bpeacuidh, atá ſei-
ſion fírinneach ceart, ré ar bpeacuigh do
mhaitheamh dhúinn, agus rér nglanadh
ó nuile neimhfhiréuntachd.
10 Dá nabram nach dearnamar
peacadh, bréugnuidhmíd eiſean, agus ní
bhfuil a bhríathar ionnuinn.

CAIB. II.

An uile pheacadh tre laige, athid liaighiſſe re tuillteanas Chríoſd.

AChlann bheag, ſgríobhuim na nei-
theſe chuguibh, ionnus nach déunadh
ſibh peacadh: Agus má rinne éinneach
peacadh, atá abhcóidigh aguinn a
bhfochair a Nathar, Ioſa Críoſd an
fíréun.
2 Agus is ſeiſion an réidhteach
air

air ſon ar bpeacuighne : ní ar ſon ar
bpeacuighne amhám, ach air ſon an do-
mhuin uile mar an gcéudna.
3 Agus is as ſo is deimhin linn
aithne do bheith aguinn air, dá
gcoimhéudam a aitheanta.
4 An tí a deir, Atá aithne agum air,
agus nach ccoimhéudann a aitheanta,
as bréugach é, agus nî bhfuil fírinne
ann :
5 Achd an tí choimhéudus a bhría-
thar, as ann atá grádh Dé ar na
choimhlíonadh go fírinneach : as ſo
aithnighmid ſinn féin do bheith ann-
ſan.
6 An tí a deir go bhfuil ſé na
chomhnuighe annſan, atá dfiachuibh
air ſiubhal, réir mar do ſhiubhail ſei-
ſion.
7 A dhearbhráithre, ní háithne núadh
ſgríobhuim chuguibh, achd an tſean-
áithne do bhí aguibh ó thoſuigh : A ſí
an tſeanáithneſe an bhríathar úd do
chúalabhair ó thoſuigh.
8 A rís ſgríobhuim áithne núadh
chuguibh, noch atá fírinneach annſan,
agus ionnuibhſe : óir atá an dorcha-
das ag imtheachd thoruinn, agus atá
an ſolas fírinneach a nois ag ſoill-
ſiughadh.
9 An tí a deir é féin do bheith ſa
tſolas, agus fhuaithigheas a dhear-
bhráthair, atá ſé ſa dorchadus gus a
nois.
10 An tí ghrádhuigheas a dhearbhrá-
thair, atá ſé na chomhnuighe ſa tſolas,
agus ní bhfuil oilbhéim ann.
11 Achd an tí fhuáithigheas a dhear-
bhráthair, atá ſé a ndorchadas, agus
ſiubhluidh ſé a ndorchadas, agus ní
eadair ſé cá háit a ngabhann, do
bhrígh gur dhall an dorchadas a
ſhúile.
12 Sgríobhuim chuguibh, a chlann
bheag, do bhrígh go bhfuilid bhur bpeac-
uidh ar na maitheamh dhíbh ar ſon a
anmaſan.
13 Sgríobhuim chuguibh, a aithrea-
cha, do bhrígh gur ab aithne dhíbh an
tí atá ann ó thoſuigh. Sgríobhuim
chuguibh a ogánacha, do bhrígh go
rugabhair buaidh ar an droch [Spio-
ruid.]
14 Sgríobhuim chuguibh, a leanba
beaga, do bhrígh gur ab aithne dhíbh
an Tathair. Do ſgríobh mé chuguibh,
a ógánacha, do bhrígh go bhfuil ſibh
láidir, agus go bhfuil bríathar Dé
na comhnuighe ionnuibh, agus go ru-
gabhair buaidh ar an droch [Spio-
ruid.]
15 Ná tuguidh grádh don tſáo-
ghal, ná do na neithibh atá ſa tſáo-
ghal : Dá dtuguidh neach ar bith
grádh don tſáoghal, ní bhfuil grádh a
Nathar ann.
16 Oir gach ní atá ſa tſáoghal,
[mar atá] ainmhían na colla, agus
ainmhían na ſúl, agus úabhar na bea-
tha, ní ó Nathair atáid ſíad, achd is ón
tſáoghal atáid.
17 Agus atá an ſaoghal ag im-
theachd thoruinn, agus a ainmhían :
achd an tí do ní toil Dé, mairidh ſé go
ſíorruidhe.
18 A leanba beaga, atá a naimſir
dheigheanach ann : agus amhuil do
chúalabhair go dtiucfadh an Tainti-
críosd, atáid a nois cheana morán
Dainnticríosduibh ar néirghe ann : ar a
naithnighemíd a naimſir dheigheanach
do bheith a lathair.
19 Do chúadar amach as ar
meaſgne, gidheadh ní rabhadar dhínn :
óir dá mbéidis dínn, dfanfaidis go
deimhin má ráon rinn : ach dimthighea-
dar [uainn] ionnus go madh follas nach
dínne íad uile.
20 Gidheadh atá ungadh aguibhſe ón
neach náomhtha, agus atá eólas aguibh
ar na huile neithibh.
21 Ní huime ſgríobh mé chuguibh, do
bhrígh go raibh ſibhſe ainbhfioſach ſa
bhfírinne; achd ar a nadhbhar go bhfuil
a heólus aguibh, & nach bhfuil bréug
ar bith ón bhfírinne.
22 Cia atá na bhréugaire, achd an tí
ſhéunus gur ab é Ióſa is Críoſd ann? a
ſé ſo an Taintícríoſd, noch ſhéunus an
Tathair agus an Mac.
23 Gidh bé ſhéunas an Mac, ní
bhfuil an Tathair aige : gidh bé admhui-
gheas an mac, atá an Tathair aige mar
an gcéudna.
24 Uime ſin comhnuigheadh an ní
do chúalabhair ó thoſuigh, ionnuibh :
dá gcomhnuighidh an ní do chúalabhair
ó thoſuigh ionnuibh, biáidh ſibhſe mar
an gcéudna bhur gcomhnuighe ſa Mac
agus ſa Nathair.
25 Agus a ſé ſo an gealladh do
gheall ſé dhúinn, [eadhon] an bheatha
mharthannach.
26 Do ſgríobh mé na neitheſe chu-
guibh a dtimchioll na druinge bhíos da
bhur mealladh.
27 Achd atá an tungadh do ghla-
cabhair úadhaſan, na chomhnuighe
ionnuibh : agus ní bhfuil na riachdanas
oruibh neach ar bith bhur múnadh, achd
mar mhúineas an tungadh ſin ſibh a
dtáobh na nuile neitheann, agus as fí-
rinneach é, agus ní bhfuil bréug ann :
& do réir mar do mhúin ſé ſibh, do
dhéunuidh ſibh comhnuighe annſan.
28 Agus a nois, a chlann bheag,
déunuigh comhnuighe annſan, ionnus an
tan fhoillſeóchar é, go mbiáidh dána-
nachd aguinn, agus nach biáidh náire
oruinn na fhíadhnuiſe, an tan thio-
fas ſé.
29 Más feaſach ſibh eiſion do bheith
fíréunta, bíodh fios aguibh gur uadha-
ſan gheintear gach áon leanas don
fhíréuntachd.

CAI-

C A I B. III.

Gurab suaithneas chloinn Dé, grádh, & gníomh glan.

TUguidh dá bhur naire créd é méud
an ghrádha tug an Tathair dhúinne,
as a ngoirfidhe clann Dé dhinn: Is
uime so nach aithnidh don tsáoghal
sinn, do bhrígh nach aithnidh dhó
eisean.
2 A cháirde, as clann do Dhía
sinn a nois, ach ní léir fós crèd bhus
sinn: gidheadh atá a fhios aguinn
an tan fhoillséochar eision, go mbíam
cosmhuil ris: óir do chífeam é do
réir mar atá sé.
3 Agus gach neach agá bhfuil
an mhuinighinse aige annsan, glanuidh
sé é féin, do réir mar atá seision
glan.
4 Gidh bé neach do ní peacadh,
sáruighe sé an reachd mar an gcéudna:
óir a sé as peacadh ann, Sárughadh
an reachda.
5 Agus atá a fhios aguibh gur ab
uime do foillsigheadh eision, chum ar
bpeacuighne do chur ar gcúl, agus ní
bhfuil peacadh ar bith annsan.
6 Gidh bé neach chomhnuigheas
annsan, ní pheacuigheann sé: gidh bé
neach do ní peacadh, ní fhacuidh sé
eision, agus ní raibh aithne aige air.
7 A chlann bheag, ná mealladh éin-
neach sibh: an tí leanas do nfiréun-
tachd, as fíréun é, do réir mar atá
seision ná fhiréun.
8 An tí do ní peacadh, as ón
diabhal atá sé: óir atá an diabhal ag
déunamh peacuigh ó thosach: as chuige
so do foillsigheadh mac Dé, ionnus
go sgaóilfeadh sé oibreacha an dia-
bhail.
9 Gidh bé neach gheintear ó Dhía,
ní dhéuna sé peacadh: óir do ní a
shíolsan comhnuighe ann: & ní héidir
leis peacadh do dhéunamh, do bhrígh go
bhfuil sé ar na gheineamhuin ó Dhía.
10 Is as so aitheantar clann Dé,
agus clann an diabhail: gidh bé nach
déanann do nfiréuntachd, ní ó Dhía
atá sé, ná an tí nach dtabhair grádh
dhá dhearbhrathair.
11 Oír a sí so an teachdaireachd do
chúalabhair ó thosuigh, eadhon sinne
do thabhairt grádh dhá chéile.
12 Ní do nós Cháin noch do bhí
ón droch [spioruid,] agus do mharbh
a dhearbhráthair: Agus créd é an
fáthbhar fár mharbh sé é? do
bhrígh go rabhadar a oibreacha féin
go holc, agus [oibreacha] a dhear-
bhráthar fíreunta.
13 A dhearbhráithre, ná bíodh
iongnadh aguibh, fá fhúath bheith ag
an tsáoghal oruibh.
14 Atá a fhios aguinne gur hath-
ruigheadh sinn ó bhás go beatha, do
bhrígh go bhfuil grádh aguinn air na
dearbhráithribh: an tí nach grádh-
uigheann a dhearbhrathair, comhnuighe
sé a mbás.
15 Gidh bé neach fhúathuigheas a
dhearbhráthair, as fear dúnmharbhtha
é: agus atá a fhios aguibh nach déunann
an bheatha mharthannach comhnuighe
a bhfear dúnmharbhtha ar bith.
16 Is as so is aithnigh dhúinn
grádh Dé, gur chuir sé a anum sios
air ar soinne: uime sin atá dfiachuibh
oruinne ar nanmanna do chur sios ar
son ar ndearbhraithreach.
17 Agus gidh bé agá bhfuil maóin
an tsáoghailse, agus do chí a dhear-
bhráthair a riachdanas, agus nach déun
trúaighe dhó, cionnus chomhnuigheas
grádh Dé ann?
18 A chlann bheag, nár ab a
mbréithir ná a dteanguidh bhías bhur
ngrádh, achd a ngníomh agus a bhfí-
rinne.
19 Agus aithnigheamaóid as so gur
don fhírinne sinn, agus do bhéuram
air ar gcroidhthibh bheith deimhnigh-
the na fhíadhnuisesion.
20 Oír dá ndaoruidh ar gcroidhe
sinn, as mó fós Día ná ar gcroidhe,
agus atá fios na huile neitheann aige.
21 A cháirde, muna ndáoruígh ar
gcroidhe sinn, as éidir linn bheith
dána ar Dhía.
22 Agus gach ní shirmid, do
gheibhmid úadha é, do bhrígh go
gcoimhéudamaóid a aitheanta, agus
go ndéunamaóid na neithe ar a bhfuil
gean aige.
23 Agus a sí so a áithne go ccreid-
feadh sinne a nainm a mhic Iósa
Críosd, agus a chéile do ghrádhughadh,
réir na háithne tug seision dúinn.
24 Oír an tí chomhéudas a aithean-
ta, comhnuighe sé ann, agus eisean
annsan: agus is as so aithnighemid
eisean do bheith na chomhnuighe ionn-
uinn, as an Sbioruid tug sé dhúinn.

C A I B. IV.

An teagasg admhuigheas Críosd na Mhac Dé, na Shlánaigheóir dhaoine, & na fhear múinte na fírinne, gur ó Dhía atá.

A Cháirde, ná creidigh gach éin
Spiorad, ach dearbhuidh na Spio-
ruid an ó Dhía atáid: óir do chúadar
morán dfáidhibh fallsa amach fán
domhan.
2 Is as so is aitheanta dhibh Spiorad
Dé, gach Spiorad admhuigheas go
dtainic Iósa Críosd a gcoluinn, is ó
Dhía atá sé.
3 Ach gach Sbiorad nach admhui-
gheann go dtainic Iósa Críosd a
gcoluinn, ní ó Dhía atá sé: achd a
sé [Sbiorad] a Nainnticríosd é, air a
gcúalabhair iomrádh go dtiucfadh
sé, agus atá sé a nois cheana sa
domhan.
4 A chlann bheag, as ó Dhía atá
sibhse, agus rugabhair buáidh orrtha-
san

fan: óir as mó an tí atá ionnuibhse, na
an tí atá sa domhan.
5 As don tsáoghal íadsan, uime sin
labhruid neithe saoghalta, agus do bheir
an sáoghal éisdeachd dóibh.
6 As ó Dhía atámuidne: an tí atá
a neólas Dé, éisdigh sé rinn: an tí nach
bhfuil ó Dhía, ní éisdeann sé rinn. Is as
so aithnighemid Sbiorad na firinne &
sbiorad an tseachráin.
7 A cháirde, bíodh grádh aguinn dá
chéile: óir as ó Dhía tig an grádh:
agus gidh bé neach ghrádhuigheas, atá
sé ar na gheineamhuin ó Dhía, agus is
aithnidh dhó Día.
8 An tí nach grádhuigheann, ní
bhfuil eólas Dé aige: óir as grádh é
Día.
9 An so do foillsigheadh grádh Dé
dhúinne, eadhon gur chuir sé úadha a
éinghin mhic air a tsáoghal, chum go
mairfeadh sinne thríd.
10 As ann so atá an grádh, ní hé go
dtugamairne grádh do Dhía, ach go
dtug seision grádh dhúinne, agus gur
chuir úadha a mhac féin na íodhbairt
réitigh air son an bpeacuighne.
11 A cháirde, má ghrádhuigh Día sinne
mar sin, atá dfiachuibh oruinne mar an
gcéudna a chéile do ghrádhughadh.
12 Ní fhacuidh éinneach Día riamh.
Dá raibh grádh aguinn dá chéile, atá Día
na chomhnuighe ionnuinn, agus atá a
ghrádh go diongmhálta ionnuinn.
13 Is as so aithnighemid sinn do
bheith ar gcomhnuighe annsan, & eisean
ionnuinne, do bhrígh go dtug sé dhúinn
tiodhluice na Sbioruide.
14 Agus do chonncamar, agus do nío-
muid dfíadhnuise, gur chuir an Tathair
an Mac úadh, na shlánaightheóir an do-
mhuin.
15 Gidh bé aidmheóchas gur ab é
Jósa mac Dé, atá Día na chomhnuighe
ann, agus eision a Ndía.
16 Agus do aithneamar, agus do
chreideamar an grádh atá ag Día dhúinn.
Is grádh é Día: & an tí chomhnuigheas
a ngrádh, comhnuighe sé a Ndía, agus
Día annsan.
17 As tríd so atá an grádh ar na
choimhlíonadh ionnuinne, ionnus go
mbíadh dánachd aguinn a ló an bhrei-
theamhnuis, do bhrígh gur do réir mar
atá seision, atàmuidne fós sa tsáoghalsa.
18 Ní bhfuil eagla sa ngrádh, ach
cuiridh an grádh díongmhálta eagla a-
mach uadh: óir atá pían ceangailte
don neagla, uime sin gidh bé ar a
mbí eagla ní bhfuil sé diongmhálta a
ngrádh.
19 Bheirmíd grádh dhósan, do bhrígh
gur ghrádhuigh sé sinn ar tús.
20 Dá nabra éinneach, Atá grádh agum
air Dhía, agus fúath bheith aige air a
dhearbhráthair, is bréugach é: Oir
cionnas is éidir don tí nach grádhui-
gheann a dhearbhráthair do chonnairc
sé, grádh thabhairt do Dhía nach
bhfacuidh sé?
21 Agus atá a náithnese aguinn
úadhasan, An tí ghrádhuigheas Día, go
grádhughadh sé a dhearbhráthar mar
an gcéudna.

CAIB. V.

Gur combartha gradh Dé, gradh bheith ar chloinn Dé & coimhead a aitheanta, noch ata soidheanta tar an seinreachd.

GIdh bé chreideas gur ab é Jósa an
Críosd, atá sé ar na thuismeadh ó
Dhía: & gach áon ghrádhuigheas an
tuismightheóir, grádhuidhe sé mar an
gcéudna an tí do tuismeadh úadh.
2 As air so aithnigheamáoid go bhfuil
gràdh aguinn do chloinn De, An tan bhíos
grádh do Dhía aguinn, agus choimhéu-
damáoid a aitheanta.
3 Oir a sé so grádh Dé, eadhon sinne
do choiméud a aitheantadh: agus ní
bhfuilid a aitheanta trom.
4 Oir beiridh gach ní atá ar na
thuismeadh ó Dhía, buáidh ar a tsaoghal;
agus a sí so an bhúaidh rug buáidh ar
a tsáoghal, [eadhon] ar gcreideamhne.
5 Cía bheireas buáidh ar a tsáoghal,
achd an tí chreideas gur ab é Iósa Mac
Dé?
6 A sé só an tí tháinic tré uisge agus
tré fhuil, Iósa Criosd: ní tré uisge
amháin, ach tré uisge agus tré fhuil: &
a se an Spiorad do ní dfíadhnuise gur
fírinne an Spiorad.
7 Oir atá tríur ar neamh do ní fíadh-
nuise, an Táthair, an Bhríathar, agus
an Sbiorad náomh; agus atáid an tríur-
sa na náon.
8 Agus atá tríur ar an dtalamh do
ní fíadhnuise, an Sbiorad, agus an
Tuisge, agus an Fhuil: agus tigid an
tríursa ré chéile ar áon ní.
9 Dá ngabham chuguinn fíadhnuise
dháoineadh, as mó na sin fíadhnuise Dé
óir a sí so fíadhnuise Dé, noch do rinne
sé dfíadhnuise a dtáobh a Mhic.
10 An tí chreideas a Mac Dé, atá an
fhíadhnuise aige ann féin: an tí nach
ccreideann Día, do rinne sé bréugach dhe,
do bhrígh nar chréid sé don fhíadhnuise
noch do rinne Día a dtáobh a Mhic.
11 Agus a sí so an fhíadhnuise
sin, go dtug Día an bheatha mharthan-
nach dhúinne: agus is ann a Mhac
atá an bheathasa.
12 An tí agá bhfuil an Mac aige, atá
an bheatha aige: an tí ag nach bhfuil
mac Dé, ní bhfuil an bheatha aige.
13 Do sgríobh mé na neithese chu-
guibhse, a dhream chreideas a nainm
mhic Dé: chum a fheasa do bheith
aguibh, go bhfuil an bheatha mhar-
thannach aguibh, & ionnus go gcreid-
feadh sibh a nainm Mhic Dé.
14 Agus a sé so an dóchas atá aguinn
as, eadhon Ma íarrmuid éinni air do
réir a thola, go néisdeann sé rinn.
15 Agus

15 Agus má atá a fhios aguinn go
éisdeann ſé ſinn fá gach ní dá ſirmíd,
atá a fhios aguinn, go bhfuilid na hiar-
tais do ìarramar air, ar faghàil a-
guinn.
16 Dá bhfaicidh éinneach a dhearbhrá-
thair ag peacughadh a bpeacadh nach
[bhfuil] chum-báis, iarraidh ſé, agus do
bhéura ſé beatha don tí nach déun peac-
adh chum báis. Atà peacadh ann chum báis
ní air a ſhon ſin a deirim leis, guidhe.
17 As peacadh gach uile éugcoir:
gidheadh atá peacadh ann nach [bhfuil]
chum bàis.
18 Atá a fhios aguinn, gach neach
atá ar na thuiſmeadh ó Dhía, nach bpea-
cuigheann ſé: achd an tí atà ar na thuiſ-
meadh ó Dhía, bi coimhéudach air féin, &
ní bheananu an droch [ſpiorad] ris.
19 Atà a fhios aguinn gur ab ò Dhía
atámuid, & go bhfuil an ſaoghal uile na
luidhe ſa nolc.
20 Achd atá a fhios aguinn go dtái-
nic Mac Dé, & go dtug ſé tuigſe dhúinn
ris an Día fhíre daithniughadh: agus
atámuid ſa Día fhíre ſin, ann a Mhac
Jóſa Críoſd. A ſé ſo an fír-Dhía, & an
bheatha mharthannach.
21 A chlann bheag, coimhéuduigh ſibh
féin air iodhaluibh. Amen.

DARA EPISTIL EOIN ABSDAIL.

Grádh a mbeathaidh, & ſíorghloine a tteagaiſg, ionchoimheud.

AN ſeanóir chum na bainntighearna
toghtha, & chum a cloinne, dà bhfuil
mo ghrádh go fírinneach, & ní hé
mo ghràdhſa amháin, ach grádh na
uile mar an gcéudna, noch fuáir eólas
ar an bhfírinne:
2 Ar ſon na fírinne chomhnuigheas
ionnuinn, agus bhías maille rinn go ſíor-
ruidhe:
3 Gráſa, trocaire, & ſíothchàin maille
ribh, ó Dhía Athar, & ón Dtighearna
Jóſa Crìoſd Mac a Nathar, maille ré fí-
rinne & ré gràdh.
4 Do bhí gàirdeachas mór oram, do
bhrígh go bhfuàir mé [cuid] dod chloinnſe
ag ſiubhal do réir na fírinne, amhuil
fuaramar áithne ó Nathair.
5 Agus a nois íarruim dathchuinghe
ort, a bhainntighearna, (ni mar do
bhéinn ag ſgríobhadh áithne nuáidhe chu-
gad, ach [na háithne] do bhí aguinn ó
thoſuigh,) eadhon a chéile do ghradh-
ughadh dhúinn.
6 Agus a ſé ſo an gràdh, eadhon, Sinn
do ſhiubhal do réir a aitheantaſan. A ſé
ſo a náithne, do réir mar do chúalabhair
ó thoſuigh, chum bheith dhíbh ag ſiu-
bhal innte.
7 Oír is iomdha mealltóir tháinic a
ſteach ſa domhan, nach admhuigheann
Jóſa Críoſd do theachd a gcoluinn. Gidh
bé atà mar ſin, as mealltóir agus Ainnti-
críoſd é.
8 Tuguidh aire ribh féin nach léigfeann
amugha na neithe do ſhaothruigheamar,
ach go madh héidir linn lànlúach ſao-
thair do ghlacadh.
9 Gidh bé neach ſhàruigheas, agus
nach comhnuigheann a dteaguſg Chríoſd,
ní bhfuil Día aige: an tí chomhnuigheas
a dteaguſg Chríoſd, atà an Tathair &
an Mac aige.
10 Dá dtigidh éinneach chuguibh,
agus nach dtabhair ris an teaguſgſa, ná
gabhuidh chuguibh a ſteach é, agus na
beannuighe dhó.
11 Oír an tí bheannuigheas dó, atá
ſé pártach ré na dhrochghníomharthuibh.
12 Bíodh go raibh mórán do nei-
thibh agum ré a ſgríobhadh chuguibh,
níor bhàil leam ſgríobhadh ré papéur
agus ré dubh: achd atá ſúil agum ré
theachd chuguibh, agus ré labhairt
[ribh] béul ar bhéul, chum ar ngáir-
deachais do bheith iomlan.
13 Cuirid clann do dheirbhſheathar
toghtha, beatha agus ſláinte chugad.
Amén.

TREAS EPISTIL EOIN ABSDAIL.

Gaius na ſeàthan ar an Aoidheachd. 9 & Diotrephes na ſheuclar ar na dochuiribh eilghioſach, ardcheannach.

AN ſeanóir chum Gàiuis ghràdhuigh,
dà bhfuil mó ghrádh go fírinneach:
2 A [dhearbhrathair] ghrádhuigh, do
b'fearr leam ar túis go bhfaghthà ſéun &
ſláinte, amhuil atá ſéun ar thanam.
3 Oír do ghabh gàirdeachas mór mé,
an tan thangadar na dearbhràithre, a-
gus do rinneadar fiadhnuiſe don fhír-
rinne atá ionnadſa, do réir mar ſhiubh-
las tú ſa bhfírinne.
4 Nì bhfuil gáirdeachas agum as mó
ná ſo, eadhon go gcluinim go bhfuilid
mo chlann, ag ſiubhal ſa bhfírinne.
5 A [dhearbhràthair] ghrádhuigh, is
deighchreidmheach dò ní tú gach a
ndéun tú do na dearbhráithribh, & do
dheóraidhibh,
6 Noch do rinne fíadhnuiſe dod ghrádh

a

a láthair na heagluise: Is maith do
dhéunas tú mà bheir tù fà shlighe íad
mar is fíu Día.
7 Oír is ar son a anmasan do chúadar
amach, gan ní ar bith do ghlacadh
dhóibh o na cineadhachuibh.
8 Uime sin atà dfíachuibh oruinne a
leithid sin do ghabhàil chuguinn, ionnus
go mbéimis ar gcomhluchd cabhartha
don fhirinne.
9 Do sgríobh mé chum na heagluise:
ach Diotréphes, rér mían àirdcheannas
do bheith aige ós a gcionn, ní ghabhann
sé chuige sinn.
10 Ar a nadhbharsa, más teachd
dhamh, cuirfead a gcéill a ghníomh-
artha do ní sé, ag cur challóide
orruinn ré bríathruibh urchóideacha:
agus nì lór leis sin, ach ní ghabhann
sé féin na dearbhràithre chuige, agus
cuiridh toirmeasg ar an druing lér
mhían, agus cuiridh sé amach as
a neagluis [íad.]
11 A [dhearbhràthair] ghrádhuigh,
na lean don nolc, ach don mhaith:
an tí do ní an mhaith, is ó Dhia atà
sé: achd an tì do ní an tolc, ní
fhacuidh sé Dìa.
12 Atá deaghtheisd ar Dhemétrius ag
na [dearbhraithribh] uile, agus ag an
bhfírinne féin: agus do níomuidne fós
fíadhnuise [ris:] agus atá a fhios
aguibhse gur fìrinneach an fhiadhnuise
do níomuid.
13 Do bhì móràn agum ré a sgrío-
bhadh, ach nì háill leam a sgríobhadh
chugad ré dubh agus ré peann.
14 Oír atà súil agum ré thusa dfaic-
sin go haithghearr, agus laibheóram
béul ar bhéul.
15 Sìothcháin maille riot. Cuirid
na càirde a mbeannachd chugad.
Beir beannachd chum na gcarad tré
na nainm.

EPISTIL GHINEARALTA JUDAIS ABSDAIL.

Ag gríosadh bdanus a Gcreidimh, Tairrghir-
ionn sé deire dòlasach na Bhfaigheadh
cluâineach.

IUdas searbhfhóghantuighe Jósa Crïosd
& dearbhráthair Shéumuis, chum na
druinge atá ar na ngairm, ar na nào-
mhadh ó Dhia Athar, & ar na gcoi-
mhéud fá chomhair Jósa Críosd:
2 Trócaire, síothcháin, agus grádh,
go raibh maille ribh gò ro líonmhar.
3 A [dhearbhràithre] grádhacha, ar
ndéunamh a nuile dhithchill damh
ar sgríobhadh chuguibh, a dtimchioll
an tslánuighte choitchinn, do bhí na
riachdanus oram sgríobhadh chuguibh,
chum bhur dteaguisg fà chathughadh go
dìthchiollach ar son an chreidimh tugadh
éunuáir amháin do na náomhuibh.
4 Oir tangadar dáoine àirighe neimh-
dhiagha ar téultógh a steach, noch do
bhí sada ó shin roimh láimh orduighthe
chum an bhreitheamhnuis so, noch iom-
poigheas gràs ar Ndé a neamhghloine, &
shéunas an táon mhaighisdir, Día, agus
ar Dtighearna Jósa Críosd.
5 Ar a nadhbharsin, is mían leam
bhur ccur a gcuimhne, ar bhfagháil a
fheasa so éunàir amháin, an tan do
shaor an Tighearna an pobal ó Néi-
gipt, gur sgrios sé na dhíaigh sin an
dream nár chreid.
6 Na haingil mar an gcéudna nár
choimhéid an chéud sdaid ann a ra-
bhadar, ach do fhág a nionadh comh-
nuighe féin, do choimhéid sé íad a
ngeimhlibh síorruidhe fá dhorchadas,
chum breitheamhnuis an láe mhóir.
7 Do réir mar atá Sodom agus
Gomorra, agus na caithreacha na dtim-
chioll, noch do lean do dhrúis air an
modh céudna sin, agus do lean dain-
mhíanuibh coimhthigheacha na colla, ar
na gcur síos na neisiomplàir, ag fulang
péine na teineadh síorruidhe.
8 Ach fós mar an gcéudna, saluighid
an dreamsa tré na gcodladh an cho-
lann, agus cuirid úachdaránachd a
dtarcuisne, agus do níd anchaint ar
an luchd agá bhfuil áirdcheannas.
9 Gidheadh Míchael an tarchaingeal,
an tan do chathuigh sé a nadhuigh an dia-
bhail, agus do rinne sé diosbóireachd a
dtimchioll chuirp Mhàoise, níor lamh sé
breath mhasluigheach do bhreith air,
achd a dubhairt sé, Go nimdhearga an
Tighearna thú.
10 Ach do níd an dreamsa anchaint
ar na neithibh nach aithnidh dhóibh:
agus gidh bé neithe ar a bhfuil eolus
nadúrtha aca, do réir na nain-
mhinnteadh gan réusun, truáillid iad
féin ionnta.
11 Budh hanáoibhinn dóibh: óir do le-
nadar lorg Chàin, agùs do chúadar
amugha tré mhealltóireachd thúarasdail
Bhálaaim, agus do sgriosadh iad tré
bheith dhóibh comhchonntrardha ré
Córe.
12 As buill cháidheacha íad so ann
bhur bhféusduighibh grádha, an tan
bhíd ar fhéusda maille ribh, dà mbea-
thughadh féin gan fhaitcheas ar bith:
neóill gan uisge dà mbreith fá gcuairt
ris na gaothuibh: crainn do mheath,
ar nach bhfuil toradh, do éug fá dhó,
ár na mbuáin as a bhfréumhach;

13 Garbhthonna fairge, sgeitheas a
náire féin amhuil chubhar; réulta sea-
chráin, fá chomhair a bhfuil an dor-
chadas fíordhorcha dá thaisge go sìor-
ruidhe.
14 Agus do rinne Enoch fós an
faighdmhadh [pearsa] ó Adhamh fáidh-
eadóireachd ar a samhuil so, ag rádh;
Féuch, atá an Tighearna ag teachd gon
a mhíltibh náomh:
15 Chum breitheamhnuis do dhéu-
namh ar na huile dháoinibh, agus dim-
dheargadh gach a bhfuil neimhdhiagha
na measg ar son na nuile ghníomhar-
thadh neimhdhíagha do rinneadar, & ar
son gach uile dhroch fhocal dar labhradar
na peacuich neimhdhíagha na adhuigh.
16 As luchd monmhuir agus gearáin an
dreamsa, bhíos ag siubhal reir a nain-
mhian féin: agus agá labhrann a
mbéul neithe aidhbhéil, maille ré bheith
dhóibh ag déunamh iongantuis do phear-
sanuibh dáoineadh do ghrádh éudála.
17 Gidheadh bíodh coimhne aguibhse
a cháirde, ar na bríathruibh noch do
labhradar apsduil ar Dtighearna Jósa
Críosd roimhse so,
18 [Eadhon] go ndubhradh ribh, go
mbiadh luchd sgige sa naimsir dheighea-
nuigh, ag siubhal do réir a nainmhían
neimhdhíagha féin.
19 A siad so an dream sgaras iad féin
ré cách, [agus iad] colluidhe, gan an
Spiorad.
20 Achd ar mbeith dhíbhse, a cháirde,
dhá bhur bhfollamnughadh féin ann
bhur gcreideamh ro náomhtha, maille
ré bheith dhíbh ag urnuighe sa Sbio-
rad náomh,
21 Coimhéuduigh sibh féin a ngrádh
Dé, ag súil ré trócaire ar Dtighearna Jósa
Críosd, chum na beatha marthannuigh.
22 Agus bíodh truáighe aguibh do
dhruing áirighe, ar ndéunamh eidirdhea-
luighe dhíbh eatorra:
23 Agus sáoruidh dream eile ré fait-
cheas, dá dtarruing as an dteine: &
fós bíodh fuath aguibh don néudach atá
ar na shalchadh ón gcoluinn.
24 Fá dheóigh, don tí lér féidir bhur
gcoimhéud ar oilbhéim dfaghàil, agus
bhur gcur a bhfíadhnuise a ghloire féin
gan choir ar bith maille ré roghàir-
deachais,
25 Don náon Ndía eagnuighe na áonar
ar slánaighthеóir, glóir & morghachd,
neart agus cumhachda, a nois & go sao-
ghal na saoghal. Amén.

TAISBEUNADH A NAPSDUIL AGUS AN TSOISGEULUIDH EOIN AN DIAGHAIRE.

CAIB. I.

Faighdáireachd chríosd chum na 7 Neagluisi bh tré Eóin.

TAisbéunadh Jósa Críosd, noch tug
Día dhò, chum na neitheann is
éigean do bheith ann go luath, dfoill-
siughadh dhá shearbhfhoghantuighibh:
agus ar gcur theachdaireachda úadh ré
na aingeal dó, do thaisbéin sé dà shear-
bhfhoghantuighe Eóin;
2 An tí do rinne fíadhnuise do bhréi-
thir Dé, & dfíadhnuise Jósa Críosd, agus
dá gach ní dhá bhfacuidh sé,
3 As beannuighe an tí léigheas, agus
an dream éisdeas bríathra na fáidhea-
dóireachd so, agus choimhéudus na neithe
atá sgríobhtha innte: Oír atá a naim-
sir a láthair.
4 EOIN, chum na seachd neagluiseadh
atá sa Násia; grása maille ribh, agus
síothcháin, ón tí atá, agus do bhí,
agus bhías: agus ó na seachd spiora-
duibh noch atá a bhfíadhnuise a árdcha-
thaoiresion;
5 Agus ó Jósa Críosd, an fhíadhnuisi
fhíre, an chéidghin ó mharbhuibh, agus
prionnsa ós ríoghuibh na talmhan: an tí
do ghrádhuigh sinn, agus do ion-
nail sinn ór bpeacadhuibh ré na fhuil
féin:
6 Agus do rinne dhinn ríghthe
agus sagairt do Dhía agus dá Athair:
glóir agus cumhachda dhósan go saoghal
na saoghal. Amén.
7 Féuch, atá sé ag teachd maille ré
néulluibh, agus do chifidh gach uile
shúil é, agus an dream féin do tholl
é: agus cáoinfid na huile threabhà na
talmhan na fhíadhnuise: as amhluidh
[bhías,] Amén.
8 As mise Alpha agus Oméga, an
tosach agus an deireadh, a deir an Ti-
ghearna, an tí atá, & do bhí, agus bhías,
an tí atá uile-chumhachdach.
9 Do bhí misi Eóin, bhur ndearbhrá-
thair, agus bhur gcomhchompánach a
dtáobh bhuáidheartha agus ríoghachda
agus fhulaing Jósa Críosd, sa noiléun dá
ngoirthear Patmos, ar son bhreithre
Dé, agus ar son shíadhnuise Jósa
Críosd.
10 Agus do coimhéignigheadh mé ris
an Spioruid a ló an Tighearna, agus do
chualuidh mé don táobh shíar dhíom,
guth mór mar [fhuáim] stuic,
11 Ag rádh, As mise Alpha agus
Oméga, an céidneach & a neach deighea-
nach, agus sgríobhsa a leabhar an ní do
chí tu, agus cuir uáit é chum na seachd
neagluiseadh atá sa Násia, chum Ephe-
suis, agus chum Smirna, agus chum
Pergamuis, agus chum Tiatira, a-

gus chum Sardis, agus chum Philadel-
phia, agus chum Laodicea.
12 Agus do iompoigh mé ar mo chúl,
chum an ghotha do labhair riom dfaic-
sin: agus ar niompógh dhamh, do
chonnairc mé seachd gcoinnleóirigh
órrgha:
13 Agus a meadhón na seachd gcoinn-
leóir sin, [neach bá] cosmhuil ré Mac an
duine, noch fá raibh éudach ráinic sios
go a shaluibh, agus crios òrrgha thairis
a dtimchioll a chioch.
14 Agus [do bhí] a cheann agus a
ghruag coimhgheal ré holuinn ghil, nó
ré sneachda: agus a shúile cosmhuil ré
lasair theineadh.
15 Agus bá cosmhuil a chosa ré fionn-
bhruine, amhuil ar na ndeargadh a
nuáimh thineadh: & bá cosmhuil aghuth
ré fuáim mhoráin duisgidhibh.
16 Agus do bhí aige na láimh dheis
seachd réulta: agus cloidheamh géur dhá
fháobhar ag teachd amach as a bhéul:
& a ghnúis, amhuil dheallruigheas an
ghrian ann a láin-neart.
17 Agus an tan do chonnairc mé é, do
thuit mé sios agá chosuibh a riochd
mhairbh, & do chuir seision a lámh dheas
oram, ag rádh riom; Ná bíodh eagla
ort: as mise an céidneach agus an
neach deigheanach,
18 Agus an tí atá beó, gidh go raibh
mé marbh: agus féuch, atáim beó go
saoghal na saoghal. Amén. Agus a-
táid eochracha ifrinn agus an bháis
agam.
19 Sgriobh na neithe do chonnairc tú,
agus na neithe atá ann, agus na neithe
thiucfus na dhiáigh so.
20 Rúindiamhair na seachd réult do
chonnairc tú um láimh dheis, agus na
seachd gcoinnleóir órrgha: a siad na
seachd réulta, seachd naingil na neaglui-
seadh: agus na seachd gcoinnleóir do
chonnairc tú, a siad na seachd neag-
luiseacha iad.

CAIB. II.

Minisdreadh Eagluise, 8 Smirna, 12 Pergamos, 18 & Tiatira, ar na moladh a gcáil, & diomolta a gcáil.

SGríobh chum aingil eagluise Ephesuis,
Ag so na neithe a deir an tí chong-
mhas na seachd réulta na láimh dheis,
noch shiubhlas a meadhón na seachd
gcoinnleóir órrgha:
2 As aithnidh dhamh hoibreacha, &
do shaothar, & thfoighid, & nách éidir
leachd iomchar ris na drochdhaoinibh:
agus gur dhearbh tú an dream a deir
gur ab apsduil iad féin, agus nach eadh,
agus fuáir tú bréugach iad.
3 Agus do cuireadh eire ort, agus
iomchruidh tú go foighideach: & ar
son mhanmasa do rinne tú saothar, &
níor tuirsigheadh thú.
4 Gidheadh atá agum a tadhuigh, Gur
thréig tú do chéudghrádh.
5 Uime sin bíodh coimhne agud, cá
hionadh as ar thuit tú, agus bíodh aith-
reachas ort agus déun na céudoibreacha:
nó tiucfuidh mé ad choinne go haith-
ghearr, agus athróchad do choinnleoir
as a ionadh, mona ndearna tú ai-
thrighe.
6 Gidheadh atá so agad, go bhfuil
fúath agad doibreachuibh na Nicolái-
teach, dá bhfuil fúath agumsa mar
an gcéudna.
7 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh
sé créd a deir an Spiorad ris na
heagluisibh: Do bhéura mé don tí
bheireas buáidh, ní ré a ithe do chrann
na beatha, noch atá a meadhón Phár-
thais Dé.
8 Agus sgríobh chum aingil eagluise
na Smirna: Ag so na neithe a deir an
céidneach agus an neach deigheanach,
noch fuáir bás, agus atá beó.
9 As aithnidh dhamh hoibreacha, &
do bhuáidhirt, agus do bhochdaine (gi-
dheadh atá tú saidhbhir) agus an mhas-
la do bheir an dream, noch a deir
gur Júduigheadh iad féin, & ní headh,
ach Sinagóig Shátain.
10 Ná bíodh eagla éinneithe dhá bhfuil-
leónguidh tú, ort: féuch, teigeumhuidh
go dteilgfe an diabhal cuid agaibh a
bpriosún, chum bhur ndearbhtha: agus
biáidh sibh dá bhur mbuáidhreadh deich
lá. Bí dílеas go bás, agus do bhéarsa
dhuit coróin na beatha.
11 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh sé
créd a deir an Spiorud ris na heaglui-
sibh: An tí bheireas buáidh, ní bhfuighe
sé dochar ón dara bás.
12 Agus sgríobh chum aingil na
heagluise atá a Bpergamus: Ag so na
neithe a deir an tí agá bhfuil an cloi-
dheamh géur dhá fháobhar.
13 As aithnidh dhamh hoibreacha,
agus hionad comhnuighe, a náit a bhfuil
ardchathaóir Shátain, agus coimhéudaoi
tú mainmse, agus níor shéun tú mo
chreideamh, sna laethibh fós ionar
marbhadh Antipas mfiadhnuise shíre
eadruibhse, sa nionadh na bhfuil Sátan
na chomhnuighe.
14 Gidheadh atá beagan agum a ta-
dhuigh, Go bhfuil agud sa náit sin dream
leanas do theagusg Bhálaam, an tí do
theaguisg Bálac fá adhbhar oilbhéime do
chur roimhe chloinn Israél, ionnus go
niosdáois na neithe do bhí ar na niodh-
bairt diodhaluibh, agus go ndéunaidís
sdríopachas.
15 As amhluidh sin atá agudsa mar
an gcéudna, dream leanas do theagusg
na Nicoláiteach, an ní air a bhfuil fúath
agumsa.
16 Déun aithrighe: nó tiucfa mé
ort go haithghearr, & troidfead ria
ré cloidheamh mo bhéil.
17 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh sé
créd a deir an Sbiorad ris na heaglui-
sidhibh: Do bhéurad don tí bheireas
buáidh, ní ré a ithe don Mhanna fholui-
gheach:

gheach: agus do bhéur dhó cloch gheal,&
ainm núadh sgríobhtha air an gcloich,
nách aithnidh daóin neach achd amháin
don tí ghlacas í.
18 Agus sgríobh chum aingil na heag-
luise atá a Dtiatira: Ag so na neithe a
deir Mac Dé, agá bhfuilid a shúile
mar lasair theineadh, agus a chosa col-
mhuil ré fionnbhruine.
19 As áithnidh dhamh hoibreacha, &
do ghrádh, & do mhiniosdraiachd, agus
do chreideamh, & dfoighid, agus do
ghníomhartha, agus gur líonmhuire
iad sí dheireadh ná ó thosuigh.
20 Gidheadh atá beagán agum a ta-
dhuigh, go bhfuilngeann tú don mhnáoi
Jesabel, a deir gur banfháidh í féin, tea-
gusg do thabhairt uáithe, agus mo shear-
bhfhoghantuigheadhsa do mhealladh,
chum sdríopachais do dhéunamh, agus
chum na neitheann atá ar na níodh-
bairt diodhaluibh ithe.
21 Agus tug mé aimsir dhi chum aith-
righe dhéunamh a dtáobh a sdríopachais:
& ní dhearna sí aithrighe.
22 Féuch, teilgse mé í a leabuidh, &
an dream do ní drúis ría, a mbuáidhirt
ro mhóir, muna dhearnuid síad aithrighe
a dtáobh a ngníomharthadh.
23 Agus sgriosfa mé a clann ris an
mbás: & tuigfid na heagluiseacha uile
gur misi sgrúduigheóir na ndubhán
agus na gcroidhtheach: agus do bhéur
do gach aon aguibhse réir bhur ngnío-
mharthadh.
24 Agus a deirim ribhse, agús ris an
gcuid eile do luchd Thiatira, an mhéid
nach ccongmhann an teagusgsa, agus
do nach feas doimhne Shátain, mar
a deirid síad: ní cuirfead oruibh
ualach eile.
25 Gidheadh congmhuigh an ní atá
aguibh, go teachd damhsa.
26 Agus an tí bheireas buáidh, agus
chongmhus moibreachasa gus an gcrích
dheigheanuidh, do bhéur cumhachda
dhó ós cionn na gcineadhach:
27 Agus do dhéunuidh a riaghlughadh
ré slait iaruinn; [agus] do dhéuntar a
gcoimbriseadh, mar shoithighe críadh,
amhuil as do ghlac mise fós óm Athair:
28 Agus do bhéur dhó réult na
maidne.
29 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh
sé, créd a deir an Sbiorad ris na heag-
luisibh.

CAIB. III.

*Riaghlóirighe Eagluise a Sardis, 8 Philadel-
phia, 15 & Laodicea ar na gcombairliu-
ghadh.*

AGus sgríobh chum aingil na heag-
luise atá a Sardis: Ag so na neithe
a deir án tí agá bhfuilid seachd sbiora-
da Dé & na seachd réulta: As aithne
dhamh hoibreacha, go bhfuil ainm ort
bheith beó, gidheadh atá tú marbh.
2 Bí ad dhúsachd, agus neartuigh an
chuid eile atá a mbáoghal bháis: oir ní
bhfuáir mé hoibreacha iomlán a bhfi-
adhnuise Dé.
3 Uime sin bíodh na neithe do
ghlac, agus do chúala tú, ar coimhne
agad, agus connaimh íad agus déun
aithrighe. Ach cheana muna dhearna
tú faire, tiucfa mé ort mar ghaduighe, &
ní bhiáidh fios na huáire a dtiucfa mé
ort agud.
4 Atá beagán danmannuibh fós agad a
Sardis, nár shaluidh a néuduighe: a-
gus siubhóluid síad má ráon ríomsa a
[néuduighibh] gléigheala: óir as fíu
sin íad.
5 An tí bheireas buáidh, biáidh sé ar
na éudughadh déuduighibh gléigheala:
agus ní sgriosfad a ainm choidhche as
leabhar na beatha, achd aidmeócha
mé a ainm a bhfiadhnuise Mathar, &
a bhfiadhnuise a aingeal.
6 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh
sé, créd a deir an Sbiorad ris na heag-
luisibh.
7 Agus sgríobh chum aingil na heag-
luise atá a Bphiladelphia: Ag so na nei-
the a deir an neach náomhtha fírin-
neach, agá bhfuil eochair Dháibhi: an
tí osglas, agus ní dhúnann éinneach; an
tí dhúnas, & ní osglann éunduine.
8 As aithnidh dhamh hoibreacha:
Féuch, do chuir mé doras osguilte ro-
mhad, agus ní héidir déinneach a dhú-
nadh: do bhrígh go bhfuil brígh bheag
ionnad, agus gur choimhéid tú mo bhría-
tharsa, agus nar shéun tú mainm.
9 Féuch, do bhéura mé air an druing
do shinagóig Shátain noch a deir gur
Júdaigheadh íad féin, agus nach eadh,
ach do níd bréug, féuch do bhéura mé
ortha teachd agus sléuchduin do dhéu-
namh ag ad chosuibhse, agus biáidh a
fhios aca go dtug mise grádh dhuit.
10 Do bhrígh gur choimhéid tú bría-
thar mfoighidesi, do dhéunsa thusa choi-
mhéud ar aimsir an chathuighe, noch atá
chum teachda ar a tsáoghal uile, chum
dearbhtha na druinge áitigheas an ta-
lamh.
11 Féuch, tiucfa mé go haithghearr:
connaimh an ní atá agud, ionnus nach
béuradh éinneach do choróin uáit.
12 Do dhéuna mé posda a dteampoll
mo Dhé don tí bheireas buáidh, agus
ní racha sé ní sa mho amach as: agus
cuirfead ainm mo Dhé sgríobhtha air,
agus ainm chaithreach mó Dhé, Jaru-
salém nuadh, noch thig a núas ó neamh
ó mo Dhía, agus mainm núadh féin.
13 An tí agá bhfuil clúas, éisdeadh
sé créd a deir an Sbiorad ris na hea-
gluisibh.
14 Agus sgríobh chum aingil eagluise
Laodicéa: Ag so na neithe a deir A-
men, an fhíadhnuise dhíleas fírinneach
tosach chreatúir Dé.

15 As aithne dhamh hoibreacha, nach
bhfuil tú fúar nà teith: do bfearr leam
go mbeitheá fúar nó teith.
16 Uime ſin, do bhrígh go bhfuil tú
boigtheith gan bheith teith no fúar, atá
fúm do ſceith amach as mó bhéul.
17 Oir a deir tù, atàim ſaidhbhir, &
lionta do mhàoin, agus ní bhfuil uireas-
bhuidh éinneithe oram: agus gan a
fhios agad go bhfuil tú dearóil, agus ad
thruaghan, agus bochd, agus dall, agus
lomnochd.
18 Do bheirim do chomhairle dhuit,
ór a cheannach uáimſe do dearbhadh a
dteine, ionnus go mbeitheá ſaidhbhir: &
éuduighe geala, chum a gcur iomad,
ionnus nach budh léir gràineamhlachd do
lomnochduighe: agus ung do ſhúile ré
ſobhairt na ſúl, ionnus go madh lér dhuit.
19 An mhéid is ionmhuin leamſa,
cronuighim agus ſmachduighim [íad.]
Uime ſin bíodh teaſghrádh agad, agus
déun aithrighe.
20 Féuch, ſeaſaim ag an doras, agus
bím dhà bhuáladh: mà éiſdeann ein-
neach rém ghuth, agus go noiſgeóluidh
an doras, racha mé a ſteach chuige, &
íoſad mo ſhuipéir maille ris, agus eiſion
maille riomſa.
21 Do bhéur cead don tí bheireas
buáidh, ſuidhe maille riom um chathàoir
ríogha, amhuil fós rug miſe buàidh, agus
ſhuighim a bhfochair Mathair ann a
chathàoir ríoghaſan.
22 An tí agá bhfuil clúas, éiſdeadh ſé
créd a deir an Sbiorad ris na heag-
luiſibh.

C A I B. IV.

*Atà Rí, ceann, & ardbhùachaille na Heag-
lniſe, ar na onórughadh lé a Miniſdribh.*

NA dhiaigh ſo do fhéuch mé, agus
féuch, doras ar neamh, agus an
céud ghuth do chúaluidh mé, mar [fhu-
áimr] ſdoic ag labhairt riom, ag rádh;
Gabh a níos ann ſo, agus foillſeóchad
dhuit na neithe as éigean do dhéunamh
na dhiáigh ſo.
2 Agus do bhí mé gan fhuireach ſan
ſbioruid, & féuch, do bhí cathàoir río-
gha ar na ſuigheadh ar neamh, agus
do bhí neach na ſhuidhe ſa gcathàoir.
3 Agus an tí do ſhuigh. bá coſmhuil
é ré na fhéuchain, ré cloich Iaiſpis agus
Shardis: agus [do bhí] bogha
uiſge a dtimchioll na cathâoire fâ
gcuàirt, bá coſmhuil ré nà fhéuchain ré
[cloich] Smaragad.
4 Agus a dtimchioll na catháoireach
fá gcuàirt, [do bhádar] ceithre catháoi-
reacha fichead: agus do chonnairc mé
ſna catháoireachuibh ſin na ſuidhe cea-
thrar ar fichid ſeanóir umâ raibh éudui-
ghe gléigheala: agus do bhadar coróna
órrgha aca ar a gceannuibh.
5 Agus táinic amach ón gcatháoir
ſin, tinnteach, agus tóirrneach, agus go-
thanna: agus [do bhádar,] ſeachd lam-
puighe teineadh ar dearglaſadh a bhfîa-
dhnuiſe na catháoireach, agarob iad
ſeachd Sbiorada Dé iad.
6 Agus [do bhi] a bhfíadhnuiſe na
cathaóireach, fairrge ghloine bá coſmhuil
ré crioſdal: agus eidir an gcathaóir &
na neithe do bhí na timchioll, [do
bhádar] ceithre beathuigh lán do ſhúi-
libh rompadh agus na ndiáigh.
7 Agus bá coſmhuil an céud bheathach
ré leomhan, agus an dara beathach coſ-
mhuil ré láodh, agus ag an dtreas bea-
thach do bhí adhuigh mar dhuine, agus
bá coſmhuil an ceathramhadh beathach
ré hiolar ag eitealluidh.
8 Agus do bhí ar gach beathach fá
leith do na ceithre beathuighibh ſin,
ſé ſgiatháin fá gcuáirt, agus íad don
táobh a ſtigh lán do ſhúilibh: agus níor
ſguireadar do ló ná doidhche dá bheith
ag ràdh; [Is] náomhtha, náomhtha, náo-
mhtha, an Tighearna Día uile chumh-
achdach, an té bhí, agus atá, agus bhias.
9 An tan thugadar na beathuidh ſin
glóir, onóir agus buidheachas don té bhí
na ſhuidhe ſa gcatháoir, noch a mhaireas
go ſaoghal na ſáoghal,
10 Do léigeadar an ceathrar air fhi-
chid ſeanóir íad féin ſíos a bhfíadhnuiſe
an té do ſhuigh ſa gcathaóir, agus tu-
gadar onóir don té mhaireas go ſaoghal
na ſáoghal, agus do theilgeadar a gco-
rónacha a bhfíadhnuiſe na catháoire, ag
ràdh;
11 As fíu thú a Thighearna, glóir, &
onóir, agus cumhachda dfagháil: óir as
tú do chruthuigh na huile neithe, agus
as tré do thoilſe atáid, agus do cruthui-
gheadh íad.

C A I B. V.

*Leabhar riaghailte & Fhreaſdail Chríoſd,
dúnta.*

AGus do chonnairc mé ar láimh dheis
an tí do bhí na ſhuidhe ſa gcathaóir,
leabhar ſgríobhtha don táoibh a ſtigh
agus don táobh a muigh, do daingni-
gheadh ré ſeachd ſéula.
2 Agus do chonnairc mé aingeal
neartmhar, noch do ſheanmóruigh do
ghuth árd; Cía atá iomchubhaidh chum
an leabhair dfoſgladh, agus chum a
ſhéuluighe ſgáoileadh?
3 Agus níor bhféidir ré héinneach
air neamh, ná air talamh, ná faoi an
dtalamh an leabhar dfoſgladh, ná fós
féuchain air.
4 Ann ſin do cháoi miſe go mór, do
bhrígh nach raibh éinneach air fagháil,
do bfíu an leabhar doſgladh ná a léu-
ghadh, na fós féuchain air.
5 Agus a dubhairt neach do na ſea-
nóiribh riom, Ná guil, féuch, rug an leo-
mhan do threibh Iúda, fréumh Dháibhí,
buáidh air an leabhar dfoſgladh, agus ar
a ſheachd ſéuluighibh do ſgáoileadh.
6 Uime ſin do fhéuch mé, agus féuch,
a meadhôn na cathaóireach, agus na
gceithre mbeathach, agus a meadhón na
ſeanóir, Uan na ſheaſamh amhuil tar éis a
mharbhtha,

...harbhtha, ar a rabhadar seachd nadh-
...ra, agus seachd súile, agar ab íad
seachd sbiorada Dé íad, do cuireadh a-
...ach feadh na talmhan uile.
7 Agus táinic sé, agus do ghlac sé
an leabhar as láimh dheis an tí do bhí
na shuighe sa gcathaóir.
8 Agus ar nglacadh an leabhair dhó,
do léigeadar na ceithre beathuigh, agus
an ceathrar ar fhichid seanóir, íad féin
síos a bhfíadhnuise a Nuáin, ar mbeith
chláirseach agus shoitheach nórgha ag
gach áon díobh fó leith, lán do dheagh-
bhaluidhibh, agár ab íad urnuighe na
náomh íad.
9 Agus do chanadar cainntic núadh,
ag rádh ; As fiu thusa an leabhar do
ghlacadh, agus a shéuluidhe dfosgladh :
do bhrígh gur marbhadh thú, agus gur
cheannuidh tú sinne do Dhía réd fhuil
féin, as a nuile threibh, agus theanguidh,
agus phubal, agus chineadh :
10 Agus go ndearna tú righthe agus
sagairt dínn dár Ndía féin: agus bíam
ag ríaghlughadh air an dtalamh.
11 Do fhéuch mé an tan sin, agus
do chúaluidh mé guth mhórain daing-
libh a dtimchioll na cathaóireach agus
a sé lion do bhádar ann, míle ar mhíle
do mhíltibh aingeal :
12 Ag rádh do ghuth árd ; As fiu
an Túan do mharbhadh, cumhachda agus
saidhbhrios, agus eagna, agus neart, &
onóir, agus glóir, agus moladh dfa-
ghail :
13 Agus do chúala mé gach uile
chreatúir dá bhfuil ar neamh, agus ar
talamh, agus faói an talamh, agus dá
bhfuil sa bhfairge, agus gach a bhfuil
ionnta, ag rádh ; Moladh, agus onóir,
agus glóir, agus cumhachda don té
atá na shuidhe sa gcathaóir, agus don
Uan, go saoghal na saoghal.
14 Agus a dubhradar na ceithre bea-
thuigh, Amén. Agus do léigeadar an
ceathrar ar fhichid seanóir íad féin
síos ar a naighthibh, & tugadar onóir
don té mhaireas go saoghal na saoghal.

CAIB. VI.

O leabhair an Uain, osguilte uaidh féin
amhain, orduightear breitheamhnas Dé do
chur a ccrích, a bfeadh mhaireas an sáo-
ghal.

NA dhiáigh sin do chonnairc mé,
an tan do fhosguil an Túan, an
ceid sheula do na séuluighibh, agus do
chúaluidh mé beathach do na ceithre
beathuighibh ag rádh mar fhuáim toirr-
nighe ; Gabh a leith, agus féuch.
2 Agus do fhéuch mé, agus féuch,
each bán : agus an tí do shuigh uirr-
the, do bhí bogha aige : agus tugadh
coróin dó, agus do chuáidh sé amach
ainlle ré buáidh, agus chum buáidhe
do bhreith dhó.
3 Agus an tan do fhosguil sé an dara
séula, do chúaluidh mé an dara beath-
ach ag rádh ; Gabh a leith, agus féuch.
4 Agus do chuáidh each eile rúadh
amach : agus tugadh cumhachda don
té do bhí na shuidhe uirrthe, síothcháin
na talmhan do bhreith ris, ionnus go
dtiubhradh orrtha a chéile mharbhadh :
agus tugadh dhó cloidheamh mór.
5 Agus an tan do fhosguil sé an
treas séula, do chúaluidh mé an treas
beathach ag rádh ; Gabh a leith, agus
féuch. Agus do fhéuch mé, agus féuch,
each dubh, agus an té do bhí na shui-
ghe uirrthe, do bhí meadh aige na
láimh.
6 Agus do chúaluidh mé guth a mea-
dhón na gceithre mbeathach, ag rádh ;
Miosúr cruithneachda air phighin, agus
trí miosúir éorna ar phighinn : agus ná
mill ola ná fíon.
7 Agus an tan do fhosguil sé an
ceathramhadh séula, do chúala me guth
an cheathramhadh beathuigh ag rádh ;
Gabh a leith, agus féuch.
8 Agus do fhéuch mé, agus féuch, each
glasbhán, agus a sé dob áinm don tí
do bhí na shuidhe uirrthe, an Bás : a-
gus do lean ifrionn é : agus tugadh
cumhachda dhóibh ar an gceathramhadh
cuid don talamh, a marbhadh ré cloi-
dheamh, agus ré gorta, agus ré bás,
agus ré hainmhinntibh állta na tal-
mhan.
9 Agus an tan do fhosguil sé an cúi-
geadh séula, do chonnairc mé faói a
naltóir anmanna na druinge do mar-
bhadh ar son bhréithre Dé, agus ar
son na fíadhnuise do chosnadar.
10 Agus do éigheadar do ghuth árd,
ag rádh: Cá fad bhías tú a Thighearna
na náomhtha fhírinnigh, gan breitheamh-
nus do bhreith, agus dioghaltus do
dhéunamh ar son ar bhfolainne, ar an
druing áitigheas ar an dtalamh ?
11 Agus tugadh dá gach áon díobh
fó leith róbuidhe fada gléigheala, agus
a dubhradh ríu sgur ar feadh tamuill
bhig, nó go mbeith [uibhir] a gcoimh-
shearbhfhoghantuigheadh & a ndearbh-
raithreach ar na choimhlionadh, noch
do bhí ré hadhuigh a marbhtha mar
íadsan.
12 Agus do fhéuch mé an tan do
fhosguil sé an seiseadh séula, & féuch,
do chriothnuigh an talamh go mór,
agus do rinneadh an ghrían comh-
dhorcha ré héudach róin, agus do
rinneadh an ghealach uile cosmhuil ré
fuil :
13 Agus do thuiteadar réulta neimhe
chum na talmhan, amhuil theilgeas an
crann fige a ubhla anabuidh, an tan
bhogthar é ré gaóith thréin.
14 Agus do imthigh neamh thoruinn,
mar leabhrán fhilltear ar a chéile : a-
gus do hathruigheadh gach sliabh agus
gach oiléun as a nionaduibh féin :
15 Agus do fholuigheadar righthe
na talmhan, & na daoine móra, agus
na daóine saidhbhre, agus na hárd-
chaiptínighe,

thaiptinighe, & na daóine cumhachdach,
& gach searbhfhoghantuighe, & gach
duine saor, iad féin a dtuinthighibh, agus
a measg charrag na sléibhtheadh:
16 Agus a dubhradar ris na sléibhtibh
agus ris na cairrgibh, Tuitidh oruinn,
agus folchuidh sinn ó ghnúis an tí atá
na shuidhe sa gcathaóir, agus ó fheirg
a Nuáin:
17 Oir táinic lá mór a fheirge,
agus cía fhéudus seasamh?

CAIB. VII.

Sgéir na 4 naingil atá ós 4 chorruibh na talmhan, ó mhilleadh, nó gur séuladh 144000 dfíréunaibh Israel.

AGus na dhiáigh sin do chonnairc mé
ceithre haingil na seasamh ar chei-
thre corruibh na talmhan, ag cong-
mháil cheithre ngáotha na talmhan,
ionnus nach séidfeadh an ghaóth ar an
dtalamh, ná ar an bhfairge, ná ar chrann
ar bith.
2 Agus do chonnairc mé aingeal eile
ag éirghe ón áird a nsóir agá raibh
séula Dé bhí: agus do éigh sé do ghuth
árd ar na ceithre hainglibh dá dtu-
gadh cumhachda an talamh agus a
nfairge mhilleadh.
3 Ag rádh; Ná déunuidh dochar don
talamh, ná don fhairrge, ná do na
crannuibh, nó go gcuiream séula ar
searbhfhoghantuighibh ar Ndé a gclàruibh
a néudan.
4 Agus do chúala mé uimhir na druinge
air ar cuireadh an séula: agus do shéu-
luigheadh céud ceithre mhíle ar dhá
fhichead do mhíltibh, do threabhuibh
chloinne Israel uile.
5 Do séuluigheadh dhá mhíle dhéug
do threibh Júda: do séuluigheadh dhá
mhíle dhéug do threibh Rúben: do séu-
luigheadh dhá mhíle dhéug do threibh
Ghad:
6 Do séuluigheadh dhá mhíle dhéug
do threibh Aser: do séuluigheadh dhá
mhíle dhéug do threibh Nephthali: do
séuluigheadh dhá mhíle dhéug do
threibh Mhanasses:
7 Do séuluigheadh dhá mhíle dhéug
do threibh Shimeon: do séuluigheadh
dhá mhíle dhéug do threibh Lébhi:
do séuluigheadh dhá mhíle dhéug do
threibh Issachar:
8 Do séuluigheadh dhá mhíle dhéug
do threibh Shabulón: do séuluigheadh
dhá mhíle dhéug do threibh Ióseph: do
séuluigheadh dhá mhíle dhéug do threibh
Bhenjamin.
9 Tar a éise sin do fhéuch mé, agus
féuch, buidhean mhór nár bhéidir déin-
neach áireamh, do gach uile chíneadh,
agus threibh, agus phubail, agus thean-
guidh, na seasamh a bhfiadhnuise na
cathaóireach, & a bhfiadhnuise a Nuáin,
umá rabhadar róbuidhe fada gleigheala:
agus pailm ann a lámhuibh.
10 Agus do éigheadar do ghuth árd,
ag rádh; Slánughadh dár Ndiane atá na
shuidhe sa gcathaóir, agus do Núan.
11 Agus do sheasadar na haingil uile
a dtimchioll na cathaóireach, agus na
seanóirigh, agus na gceithre mbeathach,
agus do léigeadar iad féin síos ar a
naighthibh a bhfiadhnuisi na cathaói-
reach, agus tugadar onóir do Dhía,
12 Ag rádh, Amén: moladh, agus
glóir, agus eagna, agus buidheachas, a-
gus onóir, agus cumhachda, & neart dár
Ndiane go saoghal na saoghal. Amén.
13 Agus do fhreagair neach do na
seanóiribh, ag rádh riom; Créd iad an
luchdsa umá bhfuilid na róbuidhe fada
gléigheala, agus cá hionadh as a dtán-
gadar?
14 Agus a dubhairt mise ris: A Thi-
ghearna, atá a fhios agadsa. Agus a
dubhairt seision riomsa; Ag so an dream
tháinic as buáidhirt mhóir, agus do
nigh a róbuidhe fada, agus do ghea-
luidh iad a bhfuil a Nuáin.
15 Uime sin atáid siad a bhfiadh-
nuise árdchathaóire Dé, agus do níd
seirbhís dósan do ló agus doidhche ann a
theampoll: agus an tí atá na shuighe sa
gcathaóir, áiteochuidh sé na measg.
16 Ní bhiáidh ocarus ná tart feasda
orrtha, agus ní luighfidh an ghrían
orrtha, ná teas ar bith.
17 Oir do dhéuna an Túan atá a mea-
dhón na cathaóireach iadsan do bhea-
thughadh, agus do dhéunuidh a dtreó-
rughadh go tiubruidibh uisge na beatha:
agus glanfuidh Día a nuile dheór ó na
súilibh.

CAIB. VIII.

Amhluadh mór déis séideadh cheithre, do na seachd sdocaibh.

AGus an tan do fhosguil sé an seachd-
mhadh séula, do bhí ciunas ar
neamh túairim leathuáire.
2 Agus do chonnairc mé na seachd
naingil do sheas a bhfiadhnuise Dé, &
tugadh seachd sdoic dhóibh.
3 Agus táinic aingeal eile, agus do
sheas sé a bhfiadhnuise na haltóra, agá
raibh sionnsa órrgha: agus tugadh mo-
rán do neithibh deaghbhaluidh dhó,
chum a gcurtha maille ré hurnuighibh
na nuile náomh ar a naltóir órrgha do
bhí a bhfiadhnuise na cathaóire.
4 Agus do chuáidh deatach na nei-
theann ndeaghbhaluidh sin, maille ré
hurnuighibh na náomh, as láimh a nain-
gil, a bhfiadhnuise Dé.
5 Agus do ghlac an taingeal an
sionnsa, agus do líon lé do theine na
haltóra, agus do theilg sé sán dtalamh
é: agus do éirigh gothanna, agus
tóirneach, agus tinnteach, agus crith
talmhan ann.
6 Agus do ullmhuigheadar na seachd
naingil agá rabhadar na seachd sdoic
iad féin, chum na sdoc do shéideadh.

7 Agus do fhéid an céudaingeal a
fdoc, agus tárrla cloichfhneachda agus
teine ann, ar na gcumafg ré fuil, agus do
teilgeadh iad fón dtalamh: & do dhói-
gheadh an treas cuid do na crannuibh,
agus do dóigheadh an féur glas uile.
8 Agus do fhéid an dara haingeal a
fdoc, agus do teilgeadh cofamhlachd fléi-
bhe móir tré theinidh fán bhfairge:
agus do rinneadh fuil don treas cuid
don fhairge.
9 Agus fuáir an treas cuid do na
creatúiribh do bhí fa bhfairge, ann a
raibh anam, bás: agus do haidhmhill-
leadh an treas cuid do na longuibh.
10 Agus do fhéid an treas aingeal a
fdoc, agus do thuit réult mhór ó neamh
ar dearglafadh mar lóchrann fholafda,
agus do thuit fé fa treas cuid do na
haibhnibh, agus fna tiubruidibh.
11 Agus a fé ainm ghoirthear don
réult fin, Mormónta: agus do hiompoi-
gheadh an treas cuid do na huifgidh-
ibh a mormónta: agus fúaradar morán
bás ó na huifgidhibh, tré go rabhadar
fearbh.
12 Agus do fhéid an ceathramhadh
aingeal a fdoc, agus do buáileadh an
treas cuid don ghréin, agus an treas
cuid don ghealuidh, agus an treas cuid
do na réultuibh: ionnas go ndearnadh
an treas cuid díobh dorcha, agus níor
dheallruigh an lá an treas cuid de, agus
i noidhche mar an gcéudna.
13 Agus do chonnairc mé, agus do
chúaluidh mé, aingeal na áonar ag ei-
tealluidh a meadhón neimhe, ag rádh
do ghuth árd; As mairg, mairg, mairg
don druing áitigheas an talamh ar fon
ghothann fdoc na dtrí naingeal atá fós
chum teachda, ar tí a fdoc do fhéideadh.

CAIB. IX.

Tuille doghrainn tar éis féideadh an 5 & an 6 fduic.

Agus do fhéid an cúigeadh aingeal a
fdoc, agus do chonnairc mé réult ag
tuitim ó neamh chum na talmhan, agus
tugadh dhó eochair an phuill dubhai-
géin.
2 Agus do fhofguil fé an poll dubhai-
géin. Agus do éiridh deatach as an
bpoll amhuil as úamhuigh mhóir thei-
neadh: agus do rinneadh an ghrían agus
an taiéur dorcha ó dheatuigh an phuill.
3 Agus tangadar lócufduighe amach
as an deatuigh ar an dtalamh, agus tu-
gadh cumhachda dhóibh, do réir na
gcumhachd atá ag aithreachuibh nimhe
na talmhan.
4 Agus a dubhradh riu, Gan dochar
do dhéunamh dféur na talmhan, ná do
ní glas ar bith, ná do chrann ar bith,
ach do na daóinibh amháin ag nach
bhfuil féula Dé a gclaruibh a néudan.
5 Agus tugadh dhóibh gan a mar-
bhadh, ach bheith dhá bpianadh feadh
chúig míos: agus a bpian [do bheith]
mar phéin aithir nimhe, an tan chail-
geas fi duine.
6 Agus ann fna laethibh fin béid daóine
ag íarruidh báis, agus ní bhfuighid é:
agus budh mían riu bás dfaghail, agus
teithfidh an bás úatha.
7 Agus bá cofmhuil faicfin na bpiafd
fin ré heachuibh ullamh chum catha:
agus ar a gceannuibh mar do bhíadh
corónacha cofmhuil ré hór, & a naigh-
the cofmhuil ré haighthibh daóine.
8 Agus do bhí grúag orrtha cofmhuil
ré gruáig bhan: agus bá cofmhuil a
bhfiacla ré [fiacluibh] leomhan.
9 Agus do bhádar lúireacha orrtha
cofmhuil ré lúireachuibh íaruinn: agus
fuáim a fgiathán cofmhuil ré fuáim
carbad iomad each ag rioth a gceann
chatha.
10 Agus do bhádar earbuil orrtha
cofmhuil ré haithreachuibh nimhe, &
do bhí cailg ann a nearbluibh: agus a
fé bá cumhachda dhóibh, bheith ag
gortughadh dhaóineadh feadh chúig
míos.
11 Agus do bhí Rí aca ós a gcionn,
aingeal an dubhaigéin, dárob ainm a
Neabhrais, Abaddon, agus a Ngréigis a
fé is ainm dhó, Apollion.
12 Do chuáidh áon truáighe amháin
thoruinn, agus féuch, atá dhá thruáighe
fós chum teachda na dhiáigh fo.
13 Agus do fhéid an feifeadh ain-
geal a fdoc, agus do chúaluidh mé
guth áirighe ó cheithre hadharcuibh na
haltóra órrgha, noch atá a bhfiadhnui-
fe Dé,
14 Ag rádh ris an feifeadh aingeal
agá raibh an fdoc; Sgaóil na ceithre
haingil noch atá ceanguilte ag a na-
bhuinn mhóir Euphrátes.
15 Agus do fgaóileadh na ceithre
haingil, noch do bhí ullamh duáir, agus
do ló, agus do mhí, agus do bhliadhain,
chum an treas coda do na daóinibh
do mharbhadh.
16 Agus a fé uibhir an mharc-
fhluáigh, fithche míle uáire deich míle:
óir do chúaluidh mé a nuibhir.
17 Agus as amhluidh fo do chonnairc
mé na heich a dtaibhfe, agus an luchd
do bhí ar a muin, umá rabhadar lúi-
reacha tinntighe agus ar dhath na
Hiacinth agus na ruibhe: agus bá cof-
mhuil cinn na neach, ré ceannuibh leo-
mhan: agus táinic teine, agus deatach,
agus ruibh as a mbéuluibh amach.
18 As ris na trí pláighibhfe do mar-
bhadh an treas cuid do na daóinibh,
ris an dteine, agus ris a ndeatuigh,
agus ris an ruibh tháinic as a mbéu-
luibh amach.
19 Oir is ann a mbéul atá a gcu-
mhachda, agus ann a nearbluibh: óir
is cofmhuil a nearbuill ré haithreachuibh

nimhe, agus atáid cinn ar na hearb-
luibhſin ré a ndéunuid dochar.
20 Agus an chuid do na daóinibh do
fágbhadh gan mharbhadh ris na pláigh-
ibhſe, ní dhearnadar aithrighe ar ſon
oibreacha a lámh, ionnus nach déunaidís
ſeirbhís do dheamhnuibh, agus diodha-
luibh óir, & áirgid, agus phráis, agus
chloiche, agus chroinn, ris nach éidir a-
mharc, ná éiſdeachd, ná ſiubhal.
21 Agus ní dhearnadar aithrighe ar
ſon a ndúnmharbhtha, ná ar ſon a bpi-
ſeóg, ná ar ſon a ſdriopachais, ná ar ſon
a ngaduigheachda.

C A I B. X.

Tug treun-aingeal ioma raibh neull, leabhar Deóin ; bhí milis, ag teachd ar fúaſcladh na Heagluiſe as an inmhe ſhearbh a nraibh roimhe.

AGus do chonnairc mé aingeal neart-
mhar eile ag teachd a núas ó neamh,
ar na éudughadh do néul, agus an bogha
uiſge ar a cheann, agus a aghuidh mar
an ngréin, agus a chosa coſmhuil ré co-
lamhnuibh teineadh :
2 Agus do bhí leabhrán oſguilte aige
ann a láimh : agus do chuir ſé a chos
deas ar muir, agus a chos chlí ar tír.
3 Agus do éigh ſé do ghuth árd, amhuil
bhéiceas leomhan : agus an tan do éigh
ſé, do labhradar ſeachd dtóirrnighe a
ngothanna féin.
4 Agus an tan do labhradar na ſeachd
dtóirrnighe a ngothanna, do bhí mé air
tí ſgríobhadh : ach do chúaluidh mé
guth ó neamh ag rádh riom ; Cuir ſéula
air na neithibh do labhradar na ſeachd
dtóirrnighe, agus ná ſgríobh iad.
5 Agus do thóg an taingeal do chon-
nairc mé na ſheaſamh ar muir agus ar
tír, a lámh ſúas chum nimhe,
6 Agus tug ſé an tí mhaireas go ſáo-
ghal na ſaoghal, noch do chruthuigh neamh
& na neithe atá ann, agus an talamh agus
na neithe atá ann, agus a nfairge agus
na neithe atá innte, mar mhionnuibh,
nach biadh aimſir ann ſeaſda :
7 Achd a láethibh ghotha an ſeachd-
mhadh aingeal, an tan ſhéidfeas ſé a
ſdoc, biáidh rúindíamhair Dé ar na
chríochnughadh, do réir mar do ſhoill-
ſigh ſé dhá ſhearbhſhoghantuighibh féin,
na fáidhe.
8 Agus do labhair an guth do chúaluidh
mé ó neamh, a rís riom, agus a dubhairt :
Imthigh romhad, glac an leabhrán oſ-
guilte úd a láimh a naingil ſheaſas air
muir agus air tír.
9 Agus do imthigh mé chum a nain-
gil, agus a dubhairt mé ris : Tabhair
dhamh an leabhrán. Agus a dubhairt ſei-
ſion riom ; Glac agus ſluig é ; agus do
dhéuna ſé do bhruinn ſearbh, ach biáidh
ſé ad bhéul comhmilis ré mil.
10 Agus do ghlac mé an leabhrán as
láimh a naingil, agus do ſhluig mé é :
agus do bhí ſé um bhéul comhmilis ré
mil : achd an tan do ſhluig mé é, do rin-
neadh ſé mo bhruinn ſearbh.
11 Agus a dubhairt ſé riom ; is éigean
duit fáidheadóireachd do dhéunamh a
rís a bhfiadhnuiſe phuibleach, agus chi-
neadhach, agus theangtha, agus mhoráin
ríghtheadh.

C A I B. XI.

Eiſeirghe dhá fhiaghnaiſe na Firinne (a Nrigheachd & a Neagluis) 15 re ſeideadh na 7 ſdoic.

AGus tugadh dhamh giolcach coſmhuil
ré ſlait, agus do ſheas an taingeal
láimh riom, agus a dubhairt ; Eiridh,
agus tomhais teampoll Dé agus a nal-
tóir, agus an dream do ní ſeirbhís ann.
2 Ach teilg amach an chúirt atá don
táobh amuigh don teampoll, agus ná
tomhais í : óir tugadh í do na cineadh-
achuibh : agus do dhéunuid an chathair
náomhtha ſhaltairt ſí na gceſuibh, ré
headh dhá mhíos agus dá fhichead.
3 Agus do bhéura mé dom dhías fiadh-
nuiſighe, agus béid ſiad ag fáidheadói-
reachd, míle, dhá chéud agus trí fichid
lá, ar na néudughadh déuduighibh róin.
4 Ag ſo an dá chrann ola agus an
dá choinnleóir, ſheaſas a bhfiadhnuiſe
Thighearna na talmhan.
5 Agus cia bé lér mían dochar do dhéu-
namh dhóibh, tig teine amach as a
mbéul, agus ſluigidh ſí a naimhde : agus
cia bé lér mían dochar do dhéunamh
dhóibh, as amhluidh ſo ás éigean a mhar-
bhadh.
6 Atá do chumhachduibh aca ſo neamh
do dhúnadh, ionnas nach biáidh ſear-
thuin ann, a laethibh a bhfáidheadói-
reachda : agus atá cumhachda aca ós na
huiſgidhibh ar a niompógh a bhfuil :
agus ar an dtalamh do bhúaladh ré
gach uile ghné phláighe, comhminic as
áill ríu.
7 Agus an tan chríochnóchuid ſiad a
bhfiadhnuiſe, do dhéunuidh an tainmhidhe
éirgheas ón bpoll dubhaigéin cogadh ríu,
agus béuruidh ſé buáidh orrtha, agus
muirfidh ſé iad.
8 Agus [béid] a gcuirp [ſínte] ar
ſhráidibh na caithreacha móire, dá
ngoirthear go ſpioradalta, Sódom agus
an Néigipt, ſa nionadh fós ann ar céuſadh
ar Dtighearna.
9 Agus do chífid [cuid] do na treu-
bhuibh, agus do na puibleachuibh, agus
do na teangthuibh, agus do na cineadh-
achuibh, a gcuirp ſeadh thrí lá go leith,
agus ní léigfid a gcuirp do chur a dtúa-
muighibh.
10 Agus do dhéunuid áitreabhuidh na
talmhan gáirdeachas ós a gcionn, agus
biáidh luathgháir orrtha : agus cuirfid
tabhartuis chum a chéile : do bhrígh
gur phíanadar an dá fhaighſe áitrea-
bhuigh na talmhan.

11 Achd

11 Achd a gcionn thri lá go leith,
do chuáidh Spiorad na beatha ó Dhia
ionnta, agus do sheasadar air a gcosuibh,
agus do ghabh eagla mhór an dream
do chonnairc iad.
12 Agus do chualadar guth árd ó
neamh, ag rádh ríu; Tigidh a níos ann so.
Agus do chuadar súas ar neamh a néull:
agus do chonnairc a naimhde iad.
13 Agus ar a nuáirsin féin do bhí
crioth mór talmhan ann, agus do thuit
an deachmhadh cuid don chathruigh,
agus do marbhadh seachd míle pearsa
ris an gcrith talmhan sin, agus do
ghabh eagla an chuid eile, agus tugadar
glóir do Dhía neimhe.
14 Do chuáidh an dara truáighe tho-
ruinn, agus féuch, tiucfuidh an treas
truáighe go haithghearr.
15 Agus do sheid an seachdmhadh ain-
geal a sdoc, agus do bhádar gothanna
móra ar neamh, ag rádh: Is lé ar Dti-
ghearnainne, agus lé na Chríosd riogh-
achda an domhuin, agus biáidh seisean
na Rí go saoghal na saoghal.
16 Agus do léigeadar an ceathrar air
fhichid seanóir noch do bhí na suidhe a
bhfiadhnuise Dé ann a gcaithireachuibh,
iad féin síos ar a naighthibh, agus tuga-
dar onóir do Dhía,
17 Ag rádh; Beirmid buidheachas
riotsa, a Thighearna a Dhé uile chumh-
achduigh, noch atá, agus do bhí, agus
bhías, óir do ghabh tú chugad do mhór-
chumhachda féin, agus do ghnodhuigh tú
do ríoghachd.
18 Agus do ghabh fearg na cineadha-
cha, agus táinic thfeargsa, agus aimsir
bhreitheamhnuis na marbh, agus luái-
dheachda do thabhairt dod shearbhf ho-
ghantuighibh, do na fáidhibh, agus do na
naomhuibh, agus don luchd ar a mbí
eagla hanma, eidir bheag agus mhór:
agus sgreasda na druinge sgriosus an
talamh.
19 Agus do hosgladh teampoll Dé
ar neamh, agus bá léir áirc a chonnar-
tha ann a theampoll: agus do bhí tinn-
teach, agus gothanna, agus tóirrneach,
agus crioth talmhan, & cloichshneach-
da mór ann.

CAIB. XII.

Cath Choimhbeaduighe na Heagluise Absdalta, anadhaidh Dheamhan, & a nadhradh.

AGus do taidhbhreadh comhartha mór
iongantach ar neamh: bean ar na
héudughadh ris an ngréin, agus an ghea-
lach fa na cosuibh, agus coróin dhá réult
déug air a ceann.
2 Agus ar mbeith dhí torrach, do éigh
sí ré tineas leinbh, agus do pianadh
í do mhían a toirrcheasa do bhreith.
3 Agus do taidhbhreadh comhartha
iongantach eile ar neamh: agus féuch,
dragún mór rúadh, air a rabhadar seachd
gcinn, agus deich nadharca: agus seachd
gcorónacha ar a cheannuibh.
4 Agus do tharruing a earball an
treas cuid do réultuibh nimhe, agus do
theilg iad chum na talmhan: agus do
sheas an dragún a bhfiadhnuisi na mná
do bhí ré hadhuigh a toirrcheasa do
bhreith, chum a leinbh do shlugadh dhó
ar na bhreith.
5 Agus rug sí mac, riaghlóchus na
huile chineadhacha ré slait iarruinn:
agus do tógbhadh súas a mac chum Dé
agus chum a chathaóireach.
6 Agus do theith an bhean chum an
fhásuigh, mar ar ullmhuigh Día áit dhí
chum a beathuighe ann sin, ar feadh
mhíle dhá chéud agus thri fichid lá.
7 Agus do bhí cath ar neamh: do
chathuigh Michéul agus a aingil ris an
dragún, agus do chathuigh an dragún
agus a aingil [riusan;]
8 Gidheadh ní rugadar buáidh, agus
ní fríth a náit ó shin amach ar neamh.
9 Agus do theilgeadh amach an dra-
gún mór, an tseanaithir nimhe, dá ngoir-
thear an diabhal agus Sátan, an tí
mheallas an domhan uile, do teilgeadh
amach é fán dtalamh, agus do teilgeadh
amach a aingil maille ris.
10 Agus do chúala mé guth mór ar
neamh, ag rádh; A nois atá slánughadh
agus neart agus ríoghachd ar Ndeine,
agus cumhachda a Chríosdsan: óir do
teilgeadh síos fear éilighthe ar ndearbh-
ráithreach, noch do bhí dhá néilinghadh
do ló agus doidhche a bhfiadhnuise ar
Ndé.
11 Gidheadh rugadar buáidh air tré
fhuil a Nuáin, agus tré bhréithir a fhía-
dhnuise: agus ní raibh suim aca na
nanam féin go bás.
12 Uime sin a fhlaitheamhnasa, bíodh
gáirdeachas oruibh, agus oruibhse a luchd
áitreabhas ionnta. As mairg don ta-
lamh agus do nfairge, óir táinic an día-
bhal a nsúas chuguibh lán do chuthach
feirge, ar mbeith a fheasa aige gur ab
aithghearr a aimsir.
13 Agus an tan do chonnairc an dra-
gún gur teilgeadh síos ar an dtalamh é,
do rinne sé gérleanmhuin air an mnaói
rug an leanabh mic.
14 Agus tugadh don mhnaói dhá sgia-
thán iolair mhóir, chum dul dí ar ei-
tealluigh fán bhfásach dá hionadh féin,
sa náit a noiltear í, feadh aimsire agus
aimsiorach agus leithe aimsire, ó amharc
a naithir nimhe.
15 Agus do theilg a naithir nimhe
uisge mar shruth as a béul a ndiáigh na
mná, ionnus go dtiubhradh fó deara dhí
imtheachd ré sruth ris an tsruth.
16 Ach tug an talamh cabhair don
mhnaói, agus dfosguil an talamh a bhéul,
agus do shluig sé an sruth do theilg an
dragún as a bhéul.
17 Agus do ghabh fearg an dragún ris
an mnaói, agus do imthigh sé do dhéu-
namh coguidh ris an gcuid eile dhá
síol, choimhéudas aitheanta Dé, agus
agá bhfuil fiadhnuise Íosa Criosd.

18 Agus do sheas mise air ghaineamh na fairge.

CAIB. XIII.

Aintícriosd, & a luchd seasmhadh a nadhradh na niodhol.

AGus do chonnairc mé ainmhidhe ag éirighe as an bhfairge, air a rabhadar seachd gcinn agus deich nadharca: agus deich gcorónacha ar a adharcuibh, & ainm blaisphéime air a cheannuibh.

2 Agus bá cosmhuil an tainmhidhe do chonnairc mé ré Liopard, agus bá cosmhuil a chosa ré [cosuibh] mhathghamhuin mhóir, agus bá cosmhuil a bhéul ré [béul] leomhain; agus tug an dragún a neart féin, agus a chathaóir, agus cumhachda móra dhó.

3 Agus do chonnairc mé ceann dá cheannuibh, amhuil do bhiadh cneadh bháis air: agus do leigheasadh a chneadh bháis: agus do ghabh iongnadh an talamh uile a ndiáigh a nainmhidhe.

4 Agus tugadar onóir don dragún noch tug cumhachda don nainmhidhe, & tugadar onóir don nainmhidhe, ag rádh; Cia as cosmhuil ris a nainmhidhe? cia fhéudus cogadh dhéunamh ris?

5 Agus tugadh béul dó labhrus neithe móra agus blaisphéimigh: agus tugadh cumhachda dhó cogadh dhéunamh air feadh dhá mhíos agus dá fhichead.

6 Agus do fhosguil sé a bhéul chum Dé mhaslughadh, chum a anma mhaslughadh, agus a thabernacail, & na druinge áitreabhas air neamh.

7 Agus tugadh dhó cogadh dhéunamh ris na náomhuibh, agus buaidh do bhreith orrtha: agus tugadh cumhachda dhó ós cionn gach uile threibhe, & theanguidh, agus chinidh.

8 Uime sin do bhéuruidh na huile dhaóine áitreabhas an talamh, onóir dhó, an luchd nach bhfuilid a nanmanna sgriobhtha a leabhar bheatha a Nuáin, do mharbhadh ó thosach an domhain.

9 Gidh bé agá bhfuil clúas, éisdeadh sé.

10 Cia bé bhéuras [neach] ris a mbruid, rachuidh sé féin a mbruid: cia bé mharbhfas ré cloidheamh, is éigean é féin do mharbhadh ré cloidheamh. Is ann so atá Foighid agus Creideamh na náomh.

11 Agus do chonnairc mé ainmhidhe eile ag éirghe as an dtalamh air a rabhadar dhá adhairc cosmhuil ré [hadharcuibh] uáin, ach do labhradh sé mar dhragún.

12 Agus do rinne sé gach ní dár bhféidir ris an gcéud ainmhidhe dhéunamh dhá lathair, agus tug sé air an dtalamh agus air an druing áitreabhas ann, onóir do thabhairt don chéud ainmhidhe, agár leigheasadh a chneadh bháis.

13 Agus do rinne sé miorbhuile móra, ionnas go dtug sé fós deara teine theachd a núas ó neamh chum na talmhan, a bhfiadhnuise na ndaóineadh.

14 Agus do mheall sé an luchd áitreabhas an talamh, do bhrígh na miorbhuileadh tugadh dhó ré a ndéunamh láthair a nainmhidhe, ag rádh ris an luchd áitreabhas an talamh, Iomháigh a dhéunamh don nainmhidhe, air a raibh an buille cloidhimh, agus do bhí béo.

15 Agus tugadh cumhachda dhó, sbiorad do thabhairt díomháigh a nainmhidhe, ionnus go laibhéoradh iomháigh a nainmhidhe, agus go dtiubhradh sé deara an mhéid nach dtiubhradh onóir díomhaigh a nainmhidhe, do mharbhadh.

16 Agus tug sé air a nuile dhuine eidir bheag agus mhór, eidir shaidhbhir agus dhaidhbhir, eidir shaor agus dhaor, comhartha do ghabháil chuca na láimh dheis, nó a gcláruibh a néudan:

17 Agus nach biadh cumas ag éinneach reic nó ceannach achd amháin ag an tí ar a mbiadh an comhartha, nó ainm a nainmhidhe, nó uibhir a anma.

18 Ann so atá a neagna. An tí agá bhfuil inntleachd, áirmheadh sé uibhir a nainmhidhe: óir as uibhir dhuine é: agus a sé as uibhir dhó, sé chéud trí fichid agus a sé.

CAIB. XIV.

Buaidh Chríosd úan Dé fa dheóigh ar a uile naimhdibh, a bfoghmhair dheigheanach an tsáoghail.

AGus damhairc mé, agus féuch Uan na sheasamh ar sliabh Sióin, agus céud ceithre mhíle agus dá fhichid do mhiltibh na fhochair, agá raibh ainm a Athar sgriobhtha a gcláruibh a néudan.

2 Agus do chúaluidh mé guth ó neamh mar fhuáim iomad uisgeadh, agus mar fhuáim tóirnigh móire: agus do chúaluidh mé fuáim cláirséoradh ag déunamh ceóil ré na gcláirseachuibh:

3 Agus do chanadar mar do bhiadh céol núadh a bhfiadhnuise na cathaóireach, agus a bhfiadhnuise na gceithre mbeathach, agus na seanóireadh: agus nior bhféidir déinneach an céol sin dfoghluim, achd amháin don chéud agus do na ceithre mhíle ar dhá fhichead do mhíltibh, do bhí ar na gceannach ón dtalamh.

4 A siad so an dream nár salchadh ré mnáibh: óir as ógha iad. A siad so an dream leanas an Túan gidh bé hionadh a dtéid: atáid siad ar na gceannach as meadhón na ndaóineadh, na ccéudthórtha do Dhía agus do Núan.

5 Agus ní frith cealg na mbéul: óir atáid gan cháidhe a bhfiadhnuisi cathaóire Dé.

6 Agus do chonnairc mé aingeal eile ag eitealluigh a meadhón neimhe, agá raibh soisgéul siorruidhe, chum a shoisgéulta don druing áitreabhas an talamh, agus do nuile chineadh agus threibh, & theanguidh, agus phubal:

7 Ag rádh do ghuth árd ; Bíodh eagla
Dé oruibh, agus tuguidh glóir dhó : óir
táinic uáir a bhreitheamhnuis : agus
déunuigh umhla don tí do chruthuigh
neamh, & talamh, & an fhairrge, agus
na tiubruideacha uisge.
8 Agus do lean aingeal eile, ag rádh ;
do thuit, Do thuit an Bhábiloin, an
chathair mhór ; óir tug si air na huile
chineadhachuibh fíon feirge a sdríopa-
chuis ibhe.
9 Agus do lean an treas aingeal
iad, ag rádh do ghuth árd ; Má bheir
éinneach onóir don nainmhidhe & dá ío-
mháigh, & go ngéubha chuige a chomhar-
tha a gclár á éudain, nó ann a láimh.
10 Ibhfidh an tise fós dfíon fheirge
Dé, do nfíon ghlan líontar a gcupán
a fheirge, agus do gheabhuidh a
phianadh a dteine agus a ruibh a
bhfiadhnuise na naingeal náomhtha, agus
a bhfiadhnuise a Nuáin.
11 Agus biáidh deatach a bpeannuide
ag érghe súas go saoghal na saoghal :
agus ní bhiáidh suáimhneas do ló agus
doidhche ag an drong do bheir onóir
don nainmhidhe agus dá íomháigh, ná
ag an tí ghabhus chuige comhartha
a anmasan.
12 Is ann so atá foighid na náomh :
is ann so [dhearbhthar] an dream
choimhéudas aitheanta Dé, agus creid-
eamh Iósa.
13 Agus do chuala mé guth ó neamh
ag rádh riom ; Sgríobh, Is beannuighe
na mairbh do gheibh bás sa Dtighearna :
A seadh a deir an Spiorad, go sguirfid
íad feasda dhá saothar, agus leanuid a
noibreacha iad.
14 Agus damhairc mé, agus féuch
néull geal, agus [neach] na shuidhe air a
néull cosmhuil ré Mac an duine, agá
raibh coróin órrgha ar a cheann, agus
corrán géur aon a láimh.
15 Agus táinic aingeal eile amach
as an dteampoll, ag éighme do ghuth árd
ar an tí do bhí na shuidhe air a néull,
Sáith a steach do chorrán, & buáin : óir
tug aimsir na buána ort : óir atá
foghmhar na talmhan apuidhe.
16 Agus do sháith an tí do bhí na
shuidhe air a néull a chorrán a steach fán
dtalamh : agus do beanadh an talamh.
17 Agus táinic aingeal eile amach as
an teampull, noch átá ar neamh, ag a
raibh iomorro, corran géur.
18 Agus táinic aingeal eile amach ón
altóir, agá raibh cumhachda ós cionn
na teineadh, & do éigh sé do ghuth árd
air an tí agá raibh an corrán géur, ag
rádh, Sáith a steach do chorrán géur, &
cnuásuigh tarpáin fhíneamhna na tal-
mhan, óir atáid a cáora apuidhe.
19 Agus do sháith an taingeal a chor-
rán a steach fán dtalamh, agus do
chnuásuigh sé fíneamhuin na talmhan, &
do theilg é a numair mór fheirge Dé.
20 Agus do brughadh an tumar ré
ttaobh don táobh amuigh don chath-
ruigh : agus táinic fuil amach as a numar
go sríantuibh na neach, feadh mhíle ar
shé chéud sdáid.

CAIB. XV.

Seachd plágha ó Dhia ar tí dortadh a mach ar an Impireachd shoiregeantach, iodhol-adhrach, ré seachd nainglibh.

DO chonnairc mé na dhiáigh sin co-
mhartha mór iongantach eile ar
neamh : seachd naingil, agá rábhadar na
seachd bplágha deigheanacha, óir is
ríu sin do coimhlíonadh fearg Dé.
2 Agus do chonnairc me cosamhlachd
fhairge gloinidhe ar na cumasg ré
teine, agus an luchd rug buáidh ar a
nainmhidhe, agus ar a íomháigh, & ar
a chomhartha, agus ar uibhir a anma, na
sealamh ag an bhfairge ghloinidhe, agus
cláirseacha Dé aca :
3 Agus do chanadar caintic Mhaóise
shearbhfhoghantuigh Dé, agus caintic
a Nuáin, ag rádh : As mór iongantach
hoibreachasa, a Thighearna a Dhé
uilechumhachduigh ; is comhthrom fírin-
neach do shlighese, a Rí na cciníadhach.
4 Cía air nach biáidh eagla romhad
a Thighearna, agus nach dtiubhradh
glóir dod ainm ? óir as tú a táonar atá
náomhtha : óir tiucfuid na huile chinea-
dhacha agus sléuchdfuid ad fhiadhnuise :
óir atáid do bhreitheamhnuis ar na
bhfoillsiughadh.
5 Agus damhairc mé na dhiáigh sin,
agus féuch, do hosgladh teampoll tha-
bernacuil na fiadhnuise ar neamh.
6 Agus tangadar na seachd naingil
amach as an dteampoll, agá rabhadar
na seachd bplágha, umá raibh línéudach
glan deallruigheach, agus íad ar na
gcreasrughadh ré creasganuibh órrgha a
dtimchioll a nochda.
7 Agus tug beathach do na ceithre
beathaidhibh, do na seachd nainglibh,
seachd soithighe órrgha, líonta dfeirg
Dé, mhaireas go saoghal na saoghal.
8 Agus do líonadh an teampoll ré
deatuigh ó ghlóir Dé, agus ó na chu-
mhachduibh : agus níor bhféidir déineach
dul a steach don teampoll, nó go ra-
bhadar seachd bplágha na seachd nain-
geal ar na gcríochnughadh.

CAIB. XVI.

Do dhóirteadh soithighe feirg Dé, ar dhuthuighibh na níodhal sada ó shin.

AGus do chuala mé guth árd as an
dteampoll, ag rádh ris na seachd nain-
glibh ; Imthighidh romhuibh, & dóir-
tigh soithighe fheirge Dé ar an dtalamh.
2 Agus do imthigh an chéudaingeal
roimhe, agus do dhóirt sé a shoitheach
ar an dtalamh : agus do éiridh droch
neasgóid nimhneach don druing ar a
raibh comhartha a nainmhidhe, agus
don luchd do onóruigh a íomháigh.
3 Agus do dhoirt an dara haingeal a
shoitheach fán bhfairge, agus tárrla dhí
bheith mar fhuil dhuine mhairbh : agus
fuáir a nuile bheathach sa bhfairrge bás.
4 Agus do dhóirt an treas aingeal
a shoitheach

a ſhoitheach ſna haibhnibh agus ſna
tiubruidibh ſioruiſge : agus do rinneadh
fuil diobh.
5 Agus do chúala mé aingeal na
nuiſgeadh ag rádh ; Is comhthrom thú
a Thighearna, noch atá, agus do bhí,
agus bhías, tré go rug tú breath air
na neithibhſe.
6 Oir do dhóirteadarſan fuil na
náomh & na bhfáidheadh & tug tuſa fuil
ré ól dóibh : óir do thuilleadar ſin.
7 Agus do chúaluidh mé neach eile
ó niośdadh náomhtha ag rádh ; A ſeadh,
a Thighearna a Dhé uile chumhachduigh,
is firinneach comhthrom do bhreathaſa.
8 Agus do dhóirt an ceathramhadh
aingeal a ſhoitheach ar an ngréin, agus
tugadh [cumhachda] dhó, daóine do
phianadh ré hainteas teineadh.
9 Agus do bhádar daóine ar ſiuchadh
ré hainteas mór, agus do mhaſluigh-
eadar ainm Dé, agá bhfuil cumhachda
ós na plághuibhſi : & ni dhearnadar
aithrighe, chum glóire do thabhairt dóſan.
10 Agus do dhóirt an cúigeadh aingeal
a ſhoitheach ar chathaóir a nainmhidhe,
agus do rinneadh a ríoghachd dorcha,
agus do chognadar a dteangtha ré
hiomad doilgheaſa :
11 Agus do mhaſluigheadar Día
neimhe tré iomad a ndoilgheaſa agus a
neaſgóideadh, agus ní dhearnadar aith-
righe ar ſon a noibreacha.
12 Agus do dhóirt an ſeiſeadh ain-
geal a ſhoitheach ſa nabhuinn mhóir
Euphrátes, agus do thiormuigh a
huiſge, ionnus go mbíadh an tſlighe réidh
ag ríoghuibh na háirde ſhoir.
13 Agus do chonnairc mé trí ſpio-
rada neamhghlana bá coſmhuil ré fro-
guibh [ag teachd amach] as béul an
dragúin, agus as béul a nainmhidhe,
agus as béul an fháidh fhallſa.
14 Oir is ſpiorada deamhan íad,
bhíos ag déunamh comharthadh, [agus]
théid amach go ríoghuibh na talmhan, &
an domhuin uile, chum a gcomhchruin-
nighe a gceann chatha láe mhóir Dhé
uilechumhachduigh.
15 (Tabhruidh aire ribh, atáim ag
teachd mar ghaduighe.) Is beannuighe an
tí do ní faire, & choimhéudus a éuduighe,
deagla go ſiubhaladh ſé lomnochduighe,
agus go bhfaicfedis a náire.)
16 Agus do chruinnidh [Día] íad go
háit dá ngoirthear a Neabhrais, Ar-
mageddon.
17 Agus do dhóirt an ſeachdmhadh
aingeal a ſhoitheach ſá a naiér : agus
táinic guth árd amach as teampoll
neimhe ón gcathaóir ag rádh ; Atá ſé
déunta.
18 Agus do bhádar gothanna, agus
teinteach, agus tóirrneach ann : agus
tárrla crioth mór talmhan ann, nach
raibh a leithid ann a riamh ón trath
ſá rabhadar daóine ar an dtalamh,
chomhmór ſin do chrioth talmhan.
19 Agus do rannadh an chathair mhór
a dtrí ccotannuibh, & do thuiteadar
cáithreacha na gcineadhach, & tháinic
an Bhabilóin mhór a gcuimhne a lathair
Dé, ionnus go dtiubhradh ſé cupán
dfíon chuthuigh a fheirge dhi :
20 Agus do theith gach uile oiléun,
agus ní raibh na ſléibhthe air ſaghail.
21 Agus do thuit cloichſhneachda
mór a núas ó neamh a gcomhthrom tal-
luinne air dhaóinibh : & do mhaſluighea-
dar daóine Día, tré phláigh an chloichſh-
neachda ſin : óir do bhí a phláigh romhór.

C A I B. XVII.

Bhreitheamhnus na Sdríopuighe móire, noch tharraing tíortha oile go umhla a bío-mhuighe greanta, lé na ſaidbhrios, neirt, & foghluim.

AGus táinic aingeal do na ſeachd
nainglibh agá rabhadar na ſeachd
ſoithighe, & do labháir ſé riom, ag rádh ;
Gabh a leith, taisbéuna mé dhuit dámnu-
ghadh na méirrdrigh móire, atá na
ſuidhe ár uiſgedhibh iomdha :
2 Ré a ndearnadar ríghthe na tal-
mhan ſdríopachas, agus agá bhfuilid
áitreabhuidh na talmhan ar miſge ó
fhion a ſdríopachais.
3 Agus rug ſé ris mé fán bhfáſach
trés an ſpioruid, agus do chonnairc mé
bean na ſuidhe ar ainmhidhe air
dhath na ſgárrlaóide, lán danmannuibh
blaiſphéimighe, ar a rabhadar ſeachd
gcinn, agus deich nadharca.
4 Agus an bhean ar na héudughadh
do phurpair agus do ſgárrlaóid, agus
ar na hóradh ré hór, agus ré clochuibh
morluáidh, agus ré péurluighidh, [agus]
do bhí cupán órrgha aice na láimh,
lán do ghráineamhlachd agus do neamh-
ghloine a ſdríopachais.
5 Agus ainm ſgríobhtha a gclár a
héduin, RUINDIAMHAIR, an Bha-
bilón mhór, mathair ſdríopachais agus
ghráineamhlachda na talmhan.
6 Agus do chonnairc mé an bhean ſin
air miſge dfuil na náomh, agus dfuil
mhairtíreach Jóſa : agus ar na faicſin
damh, do ghabh iongnadh romhór mé.
7 Agus dubhairt an taingeal riom,
Créd fá ngabhann iongnadh thú ? foill-
ſéochadſa dhuit rúindiambair na mná,
agus a nainmhidhe iomchras í, ar a
bhfuil ſeachd gcinn, & deich nadharca.
8 An tainmhidhe do chonnairc tú, do
bhí ſé ann, agus ní bhfuil : agus eiréo-
chuidh ſé a níos as an bpoll dubhaigéin,
agus do gheubhuidh a ſgrios : & budh
hiongnadh ris an luchd áitreabhas an ta-
lamh (ag nach bhfuil a nanmanna ſgrío-
bhtha a leabhar na beatha ó thús an do-
mhain) an tan do chífid an tainmhidhe,
do bhí ann, & nach bhfuil, & fós atá.
9 Ann ſo atá a ninntinn aga bhfuil
eagna. Na ſeachd gcinn úd, is ſeachd
gcnuic íad, ar a bhfuil an bhean na ſuidhe.
10 As ſeachd ríghthe íad mar a gcéud-
na : do thuiteadar cúigfhear [dhíobh,]
agus

... mairidh [sin], agus atá [aon] eile
... teachd fós: & an tan thiucfus
... as goirid chaithfeas sé fuireach.
11 Agus an tainmhidhe do bhí ann,
... nach bhfuil, a sé fós an tochdmhadh
... agus as don mhóirsheisear é, agus
... gheubhuidh a sgrios.
12 Agus na deich nadharca do
... chonnairc tú, as deich ríghthe iad, nar
... ghabh ríoghachd chuca fós, ach ghea-
... bhuid cumhachda chuca mar ríoghuibh,
... aonuair ris a nainmhidhe.
13 Atáid so dhéunchomhairle, agus
... bhéuruid a neart, agus a gcumhachda
... don ainmhidhe.
14 Combruicfid an dreamsa ris a
... Uan, agus béuruidh an Túan buáidh
... orrtha: óir a sé Tighearna na dti-
... ghearnadh é, agus Rí na ríghtheadh:
... agus an luchd atá dhá tháobh, atáid
... siad ar na ngairm, agus ar na dtogha,
... agus ionnruic.
15 Agus a dubhairt sé riom; Na
... huisgeadha do chonnairc tú, sa nionadh
... na bhfuil an mheirrdreach na suidhe, as
... pobleacha, & coimhthionóil, & cineadha-
... cha, agus teangtha iad.
16 Agus na deich nadharca do chon-
... nairc tú air a nainmhidhe, biáidh fúath
... aca don mheirrdrigh, agus fúigfid fá-
... saighe nochduighe í, agus iosuid a feóil,
... agus loisgfid ré teine í.
17 Oir do chuir Día na gcroidhthibh
... a thoil féin do dhéunamh, agus iad féin
... do bheith déuntoil, agus a ríoghachd do
... thabhairt don nainmhidhe, go coimhlion-
... faighear bríathra Dé.
18 Agus an bhean do chonnairc tú, a
... sí an chathair mhór í, agá bhfuil
... ríoghachd ós ríoghuibh na talmhan.

CAIB. XVIII.

Aibhneas na Naomh ioma thuitim Bhabilóin iodhaladhrach, fuar-chraibhteach (cia ar bith í), Págánta nó Papánta.)

AGus a ndiáigh na neitheannsa, do
chonnairc mé aingeal ag teachd
a núas ó neamh, agá raibh cumhachda
móra: agus do dhealbruidh an talamh
ré na ghlóir.
2 Agus do éigh sé go láidir do
ghuth árd; Do thuit, do thuit an
Bhabilóin mhór, agus do rinneadh áit
comhnuighe deamhan di, agus ionadh
congmhála gach spioruide neamhghloine,
agus áit cumhduigh gach éin fhúathmhair
neamhghloin.
3 Oir do ibheadar na huile cineadha-
cha dfíon fheirge a sdríopachuis, agus
do rinneadar ríghthe na talmhan sdrío-
pachas ría, agus atáid ceannuighthe na
talmhan ar na ndéunamh saidhbhir ré
líomad a saimhe.
4 Agus do chúala mé guth eile ó
neamh ag rádh; Tigidh amach aisde,
mo phoballa, deagla bheith díbh pár-
tach ré na peacaidhibh, agus páirt
dfagháil díbh dhá plághuibh.
5 Oir do leanadar a peacthuigh a
cheile go neamh, agus do choimhnigh
Día air a drochbheartuibh.
6 Tuguidh dhi do réir mar thug
sise dhibhse, agus tuguidh dhi go dú-
balta do réir a gníomhartha, líonuidh
dhi go dúbalta an cupán do líon sise
dhíbhse.
7 Ionann agus do árduigh sí í féin
a nglóir agus a naóibhneas, tuguidh dhi
sa méid chéudna peannuid & doilgheas:
óir a deir sí na croidhe, Atáim um
shuidhe a nionadh bainnrioghna, agus
ní bainntreabhach mé, agus ní fhaicfe
mé doilgheas.
8 Uime sin a níon lá amháin tiuc-
fuid a plágha, bás, agus doilgheas, agus
gorta: agus loisgfighthear í ré teine:
óir is neartmhar an Tighearna Día
bhéuras breath dhamnuighe uirrthe.
9 Agus béid ríghthe na talmhan ag
gul agus ag caói ar a son, noch do
chaith a mbeatha a nadhaltrannas agus
a saimhe maille ría, an tan chífid
deatach na teineadh ré loisgfighthear í:
10 Agus seasfuid síad a bhfad
uáithe ré faitcheas a peannuide, ag
rádh; As trúagh, trúagh, an chathair
mhór Babilón, an chathair thréun, óir
a náonuáir amháin tháinic do bhreith-
eamhnus.
11 Agus béid ceannuighthe na tal-
mhan ag gul, agus ag caói ós a cionn:
do bhrígh nach cceannchan éunduine a
nearradha ní sa mhó:
12 A nearradha óir, agus airgid,
agus chloch mbuadha, agus pheurluidh-
eadh, & línéuduigh toghtha, & phurpair,
& shioda, agus sgárlaóide, agus gach
gné adhmuid Thine, agus gach gné
shoithidh [nithear] dfiaclaibh Elephaint,
agus gach gné shoithidh [nithear] dadh-
mad mhórluáidh, agus do phrás, agus
díarann, agus do mharmar,
13 Agus cainéul, agus neithe deagh-
bhaluidh, agus oinnemeint, agus túis,
agus fíon, agus ola, agus plúr míngheal,
agus cruithneachd, agus ainmhinntighe,
agus caóiridh, agus eich, agus carbuid,
agus searbhfhoghantuighidh, & anmanna
daóineadh.
14 (Agus do imthigheadar na tórtha
ann a raibh fonn ag thanam, uáid, agus
do imthigheadar na huile neithe méithe
maiseacha uáid, agus ní bhéid síad ar
fagháil feasda agud.)
15 Seasfuid ceannuighthe na neith-
eannsa do rinneadh saidhbhir ría, a bhfad
uáithe, ar eagla a peannuide, ag gul
agus ag caói,
16 Agus ag rádh; As trúagh, trúagh,
an chathair mhór, do bhí ar na héud-
ughadh do línéudach toghtha, agus do
phurpair, agus do sgárlaóid, agus do
bhí ar na hóradh ré hór, agus ré cloch-
uibh búadha, & ré péurluighibh. Clonnas
do cuireadh fá chéile a chomhmór sin
do shaidhbhrios ré headh éunuáire.
17 Agus seasfuidh gach maighisdir
luinge,

luinge, agus gach duine ſhéolas a lon-
guibh, agus na máirnéuluigh, agus an
mhéid do gheibh ſochar na fairrge, a
bhfad uáithe.
18 Agus béid ag éighmhe, an tan
chíſid deatach na teineadh ré a loiſg-
ſightear í, ag rádh; Cía [an chathair
bá] coſmhail ris an gcathair mhóirſe?
19 Agus teilgſid luáithreadh ar a
gceannuibh, agus béid ag éighmhe, ag gul,
agus ag caói, ag rádh; As trúagh,
trúagh, an chathair mhór, ré ndear-
nadh ſaidhbhir an mhéid agá rabhadar
longa ar fairrge, do bhrígh a ſaidh-
bhrioſa ſin: óir do faſuigheadh í a
néunuáir.
20 O a fhlaitheamhnuis, bíodh gair-
deachas ort dá táobh, agus oruibhſe a
apſdala agus a fháidhe náomhtha, óir
do rinne Día díoghaltus uirrthe ar
bhur ſonſa.
21 Agus do thóg aingeal neart-
mhar áirighe cloch ſúas mar chloich
mhóir mhuilinn, agus do theilg [í] ſa
bhfairrge, ag rádh; Is mar ſo teilg-
fidhthear an Bhabilón an chathair mhór
ſíos ré foirrneart, agus ní bhiáidh air
faghail ní ſa mhó.
22 Agus ní cluinfighthear ionnad ní
ſa mhó fuáim chláirſéoradh, ná luchd
ciúil, ná phíobaireadh, ná thrompói-
readh: & ní bhiáidh éinfhear ceirde
déincheird air bith air faghail ionnad
ní ſa mhó, agus ní cluinfighthear
ionnad ní ſa mhó, fuáim chloichthe
muilinn:
23 Agus ní ſhoillſéochuigh ſolas coinnle
ní ſa mhó ionnad: agus ní cluinfigh-
thear guth fir ná mná nuadhphólda
ní ſa mhó ionnad: óir bá hiad do
cheannuighthe, daóine móra na talmhan,
agus is réd phiſéoguibh do mealladh na
huile chineadhacha.
24 Agus is innte frith fuil na bhfaidh-
eadh, agus na náomh, & na nuile [dhaói-
neadh] do marbhadh ar an dtalamh.

CAIB. XIX.

*Caithreim ainglidhe arſon cheirte Dé, a ndio-
ghla ſola a náomh ar a nluchd ſáruighte.*

AGus a ndiáigh na néitheannſa, do
chúala mé guth árd buidhne
móire ar neamh, ag rádh; Alleluia,
ſlánughadh, agus glóir, agus onóir
agus cumhachda don Tighearna ar
Ndiane.
2 Oir is fírinneach comhthrom a bhrea-
thaſan: óir do dhamnuigh ſé an mheirr-
dreach mhór do thruáill an talamh ré
na ſdriopachas, agus do dhíoghail ſé
fuil a ſhearbhfhoghantuigheadh, [do
dóirteabh] ré na láimhſe.
3 Agus a dubhradar an dara huáir,
Alleluia: agus do éiridh a deatach ſúas
go ſaoghal na ſaoghal.
4 Agus do léigeadar an cearthar ar
fhichid ſeanóir, agus na ceithre bea-
thuigh iad féin ſíos, agus tugadar onóir
do Dhía do bhí na ſhuidhe ſa gcathaoir,
ag rádh; Amén, alleluía.
5 Agus táinic guth amách ón gcathaóir,
ag rádh; Moluidh ar Ndía, a uile ſhearbh-
fhoghantuigheadha, agus a luchd air a
bhfuil a ſhaitcheas, eidir bheag & mhór.
6 Agus do chúala mé amhuil guth
budhne móire, agus amhuil fuáim uiſ-
geadh iomdha, agus amhuil fuáim toirr-
nidh aintréin, ag rádh; Alleluía, óir a
ſé an Tighearna Día uile chumhachdach
as Rí ann.
7 Bíodh gáirdeachas agus lúathgháir
oruinne, agus tugam glóir dhóſan: óir
táinic póſadh a Nuáin, agus do ullmhuigh
a bhean í féin.
8 Agus tugadh dhi í féin do éudu-
ghadh do línéudach toghtha, glan
deallruigheach: óir a ſé is línéudach
toghtha ann, Fíréuntachd na náomh.
9 A dubhairt ſé riom an tan ſin;
Scríobh, Is beannúighe an dream ſuáir
cuireadh ſhuipéir bhainnſe a Nuáin. Agus
a dubhairt riom; A ſiad ſo briathra
fírinneach Dé.
10 Agus do thuit mé ſíos agá cho-
ſuibh, chum a onóruighthe: achd a
dubhairt ſé riom, Coimhéid nach déna
tú ſin: as coimhſhearbhfhoghantuighe
dhuit mé, & dod dhearbhráithribh, agá
bhfuil fiadhnuiſe Jóſa aca. Tabhair
onóir do Dhía: óir a ſí fiadhnuiſe
Jóſa, Spiorad na fáidheadóireachda.
11 Agus do chonnairc mé neamh oſ-
guilte, agus féuch, each bán agus a ſé
dob ainm don tí do bhí na ſhuidhe
uirrthe, An neach Díleas fírinneach, &
is do réir cheirt do ní breitheamhnus
agus cogadh.
12 Agus bá coſmhail a ſhúile
ré laſair theineadh, agus [do bhádar]
mórán coróineach ar a cheann: [agus]
do bhí ainm ſgríobhtha aige, nár
mhaithne daóineach ach dó féin.
13 Agus é ar na éudughadh déudach
do tomadh a bhfuil: agus a ſé ainm
ghoirthear dhe, Bríathar Dé.
14 Agus do leanadar ſlóigh neimhe
é air eachuibh bána, ar na néudughadh
do línéudach toghtha, gléigheal glan.
15 Agus tháinic cloidheamh géur
dhá fhaobhar amach as a bhéul, chum
na gcineadhach do bhúaladh ris: &
do dhéunuidh ſé a ríaghlughadh ré
ſlait iaruinn: agus a ſé ſhaltras ſá na
choſaibh umar fíona cuthuigh fheirge
Dé uile chumhachduigh.
16 Agus do bhí ainm ſgríobhtha
aige air a éudach, agus air a ſhliaſaid,
Rí na ríghtheadh, agus Tighearna na
dtighearnadh.
17 Agus do chonnairc mé aingeal
áirighe na ſheaſamh ſa ngréin, noch do
éigh do ghuth árd, ag rádh ris na
huile éunlaith do bhí ag eitealluigh a
lár neimhe; Tigidh, agus cruinnigh-
thear ſibh chum ſuipéir Dé mhóir.
18 Chum féola ríghtheadh dithe-dhibh,
agus

agus féola árdchaiptíneadh, agus ſéola dhaóineadh cumhachdach, agus féola each, agus an mharcſhluáigh bhías orrtha, agus ſéola na nuile, eidir ſhaór, & dhaór, eidir bheag agus mhór.

19 Agus do chonnairc mé an tainmhidhe, agus ríghthe na talmhan, & a ſlúagh ar na gcruinniughadh a bhſochair a chéile, chum coguidh dhéunamh ris an tí do bhí ar muin a neich, & ré na ſhlúagh.

20 Agus do gabhadh an tainmhidhe, & an ſaidh ſallſa maille ris, noch do rinne míorbhuileadh na ſhíadhnuiſe, léur mheall ſé an dream do ghabh comhartha a nainmhidhe chuca, & tug onóir dhá iomháigh: & do teilgeadh iad ar áon beó a loch teineadh ar dearglaſadh lé ruibh:

21 Agus do marbhadh an chuid eile ré cloidheamh an tí do bhí air muin a neich, tháinic amach as a bhéul: & do ſáſadh na huile éunlaith ré na bhſeóil.

C A I B. XX.

Ionas Séunmhar na Heagluiſe fhírinnigh ar an ttalamh, re aimſir fhada, tar éis ſerios na nIodhal.

AGus do chonnairc mé aingeal ag teachd a núas ó neamh, agá raibh eochar an phuill dubhaigéin, agus ſlabhradh mór ann a láimh.

2 Agus rug ſé ar a ndrágún, an ſeanathair nimhe, noch is díabhal agus is Satán ann, agus do cheanguil ſé é míle blíadhain.

3 Agus do theilg é ſa bpoll dubhaigéin, & do dhún, & do chuir ſé ſéulá air, ionnus nach meallſadh ſé na cineadhacha ní ſa mhó, go ccoimhlíonſuidh an míle blíadhan: & na dhiáigh ſin is éigean a ſgáoileadh ſeadh aimſire aithghearra.

4 Agus do chonnairc mé cathaóireacha, & do ſhuigheadar [dream] ionnta, & do tugadh breitheamhnus dóibh: & [do chonnairc mé] anmanna na druinge do dícheannadh ar ſon ſhíadhnuiſe Íóſa, & ar ſon bhreithre Dé, & nach dtug onóir don nainmhidhe, ná dhá iomháigh, & nár ghabh a chomhartha chuca a ccláruibh a néudan, ná na láimh: & mairſid, & béid na ríoghuibh a bhſochair Chríoſd míle blíadhuin.

5 Agus an chuid eile do na marbhuibh, ní bidh béo íad a rís, go críochnughadh an mhíle blíadhan. A ſí ſo an chéud eiſéirghe.

6 Achd beannuighe, & is náomhtha an tí agá bhfuil cuid aige ſa gcéud eiſéirghe: [óir] ní bhfuil cumhachda ag an dara bás orrtha ſo: ach béid ſiad na ſagartuibh do Dhía & do Chríoſd, & béid na ríoghuibh na ſhochairſean, míle blíadhuin.

7 Agus an tan chríochnóchar an míle blíadhan, ſgaóilſighthear Satán as a phríoſún,

8 Agus racha ſé amach do mhealladh na ccineadhach, noch atá a gceithre corruibh na talmhan, Gog, & Magog, chum a ccruinniughadh a gceann a chéile chum catha, agá bhfuil a nuibhir amhuil ghaineamh na fairrge.

9 Agus do chúadar ſúas ar leithead na talmhan, agus do thimchiolladar campa na náomh, agus an chathair ionmhuin: & táinic teine a núas ó neamh ó Dhía, agus do ſhluig ſí iad.

10 Agus do theilgeadh an díabhal do mheall iad a loch teineadh & ruibhe, mar a bhfuil an beathach & an ſaidh ſallſa, & béid ſiad dá bpíanadh do ló agus doidhche go ſaoghal na ſaoghal.

11 Agus do chonnairc mé cathaóir mhór gheal, agus neach áirighe na ſhuidhe innte, agár theith talamh agus neamh roimhe, & ní frith a náit.

12 Agus do chonnairc mé na mairbh eidir bheag agus mhór na ſeaſamh a bhfíadhnuiſe Dé: agus do hoſgladh na leabhair: agus do hoſgladh leabhar eile, eadhon [leabhar] na Beatha: & rugadh breath ar na marbhaibh as na neithibh do bhí ſgríobhtha ſna leabhruibh, do réir a ngníomharthadh.

13 Agus tug an fhairrge uáithe na mairbh do bhí innte: agus tug an bás agus iſearn úatha na mairbh do bhí aca: agus rugadh breath orrtha fó leith do réir a ngníomharthadh.

14 Agus do teilgeadh an bás agus iſearn a loch teineadh: a ſé ſo an dara bás.

15 Agus gidh bé nar frith ſgríobhtha a leabhar na beatha, do teilgeadh é ſa loch teineadh.

C A I B. XXI.

Neamh núadh ⁊ talamh núadh arſon na bfirein.

AGus do chonnairc mé neamh núadh, & talamh núadh: óir do chúaidh an céidneamh & an céud thalamh thoruinn: & ní raibh fairrge ann ní ſa mhó.

2 Agus do chonnairc miſi Eóin, an chathair náomhtha Jeruſalem núadh, ag teachd ó Dhía a núas ó neamh, ar na hullmhughadh, amhuil ghléuſas bean núadhphóſda í féin fá chombhair a fir.

3 Agus do chúala mé guth mór ó neamh, ag rádh; Féuch, tabernacuil Dé ag daóinibh, agus do dhéunuidh ſeiſion comhnuidhe na bhfhochair: agus béid ſiadſan na bpubal aige, agus biáidh Día féin na bhſochairſion.

4 Agus glanſuidh Día gach uile dhéor ó na ſúilibh: & ní bhiáidh bás ann ní ſa mhó, ná caói, ná éighmhe & ní bhiáidh ſaothar ann ní ſa mhó: óir do chúadar na céidneithe thoruinn.

5 Agus a dubhairt an tí do bhí na ſhuidhe ſa gcathaóir; Féuch, do ním na huile neithe núadh. Agus a dubhairt ſé ríom, Sgríobh: óir is fírinneach dileas na bríathraſa.

6 Agus a dubhairt ſé ríom; Atá ſé déunta: as míſe Alpha agus Oméga, an toſach agus an deireadh. Do bhéura mé don tí ar a bhfuil tart [ní ré ibhe] do thobar uiſge na beatha a naiſgidh.

7 An tí bheireas buáidh, budh hoigh-
re é ar na huile neithibh: agus biáidh
miſe um Dhía aige, agus biáidh ſeiſion
na mhac agumſa.
8 Ach go gheabhuid na daóine meata,
agus díchreidmheacha, agus gráineamh-
la, agus luchd dúnmharbhtha, agus adhal-
trannuis, agus na bpiſéog, agus a
níodhaladhruigh, agus a nuile bhréugaire,
a gcuid ſa loch atá ar dearglaſadh do
theine agus do ruibh, noch is dara
bás ann.
9 Agus táinic neach do na ſeachd
naingliбh chugum agá rabhadar na ſeachd
ſoithighe líonta do na ſeachd bplághuibh
deigheanacha, agus do labhair ſé riom,
ag rádh; Gabh a leith, taisbéunfadſa
dhuit an bhean núadhphóſda, bean a
Nuáin.
10 Agus tug ſé leis mé trés an ſbio-
ruid chum ſléibhe móir áird, agus do
thaisbéin ſé dhamh an chathair mhór,
Jeruſalém náomhtha, ag teachd ó Dhía
a núas ó neamh:
11 Agá raibh glóir Dé: agus bá
coſmhail an lonnradh do bhí innte ré
cloich ro úaſail, mar chloich Iaſpis
comhghlan ré Crioſdal.
12 Agus do bhí balla mór árd aice
ar a rabhadar dhá gheata dhéug, agus
dhá aingeal déug ag na geataidhibh,
agus anmanna ſgríobhtha orrtha, eadhon
[anmanna] dhá threabh dhéug chloinne
Iſráel.
13 [Do bhádar] trí gheata don táobh
ſhoir: trí gheata don táobh thuáigh,
trí gheata don táobh theas, [agus] trí
gheata don táobh ſhíar.
14 Agus do bhádar dhá fhonnda-
meint déug ag balla na caithreach, &
iontaſan anmanna dhá abſdail déug a
Nuáin.
15 Agus do bhí ag an tí do labhair
riom giolcach órrgha, chum na caith-
reach, agus a geatuigheadh, agus a balla
do thomhas dó.
16 Agus do bhí an chathair ar na
ſuighiughadh go ceathair-uilleannach, &
dob ionann fad & leithead di: & do
thomhais ſé an chathair ris an ngiolcach,
dhá mhíle dhéug ſdáid: & is ionann
fad agus leithead agus áirde dhi.
17 Agus do thomhais ſé a balla, céud
& ceathair air dhá fhichead chubhad, do
réir mhioſuir dhuine, eadhon a naingil.
18 Agus is ré [cloich] Iaſpis do tóg-
bhadh ſúas a balla: agus bá hór glan
an chathair féin, coſmhail ré gloine
fíorghlan.
19 Agus [do bhádar] fonndameinn-
tighe bhalla na caithreach ar na ndéu-
namh deaghmhaiſeach ris a nuile gné
chloch uaſal. [Bá] Jaſpis an céud fhun-
dameint: Saphir an dara [fonnda-
meint:] Chalcédoin an treas [fonnda-
meint:] Smaragaid an ceathramhadh
[fonndameint:]
20 Sardónix an cúigeadh [fonnda-
meint:] Sardiuis an ſeiſeadh [fonnda-
meint:] Chrioſolit an ſeachdmhadh
[fonndameint:] Berill an tochdmhadh
[fonndameint:] Topáis an náomhadh
[fonndameint:] Chriſophraſuis an deach-
mhadh [fonndameint:] Jácint an táonu-
ghadh [fonndameint] deug: Ametiſt an
dara [fonndameint] déug:
21 Agus [do bhádar] an dá gheata
dhéug na ndá bpéurla dhéug, agus ſ
déinphéurla [do rinneadh] gach geata
dhíobh ſó leith: agus [do bhí] ſráid
na caithreach na hór ghlan, amhuil
gloine dheallruigheach.
22 Agus ní fhacuidh mé teampoll innte:
óir a ſé an Tighearna Día uile chu-
mhachdach, & an Túan as teampoll di.
23 Agus ní ríachdanach air an ccath-
ruighſe grían ná gealach do ſhoillſiughadh
innte: óir do ſhoillſigh glóir Dé í, &
a ſé an Túan is ſolas di.
24 Agus ſiubhalfuidh na cineadhacha
ann a ſolas ſin: agus béuruid ríghthe
na talmhan a nglóir & nonóir chuice.
25 Agus ní dúnſuighthear a geatuidhe
do ló: óir ní bhiáidh oidhche ann ſin.
26 Agus béurthar glóir agus onóir
na gcineadhach da hionnſuighe.
27 Agus ni racha a ſteach innte ní
ar bith neamhghlan, ná do ní gráineamh-
lachd, ná bréug: achd amháin an dream
atá ſgríobhtha a leabhar bheatha a Nuáin.

CAIB. XXII.

Foillſiughadh Pharrthbáis neamhdha; 9 Gan adhradh daingiol ar bith; & Comhdhúnadh an leabhair.

AGus do thaisbéin ſé dhamh ſruth
glan duiſge na beatha, coimh-
dheallruigheach ré crioſdal, ag teachd
amach ó chathaóir Dé, agus a Nuáin.
2 [Agus] a lár ſhráide na caith-
reachſin, & ar gach táobh don tſruth, [do
bhí] crann na beatha, do bheireadh dhá
thoradh dhéug úadha, & do bheireadh a
thoradh úadha gacha míos: agus [do
fhoghain] duille an chroinnſin chum
leighis na gcineadhach.
3 Agus ní bhiáidh mallughadh ar
bith ann ní ſa mhó: ach biáidh ca-
thaóir Dé, agus a Nuáin innte: agus
do dhéunuidh a ſheurbhfhoghantuigh-
eadha ſeirbhis dó.
4 Agus do chífid ſiad a adhaigh,
& [biáidh] a ainm â gcláruibh a néudan.
5 Agus ní bhiáidh oidhche ann ſin,
agus ní bhfuil uireasbhuidh lóchruinn
ná ſholais gréine orrtha: óir do bheir
an Tighearna Día ſolas dóibh,
agus béid ſiad na ríoghuibh go ſíoghal
na ſáoghal.
6 Agus a dubhairt ſé riom; Is dí-
leas fírinneach na briathraſa: agus do
chuir an Tighearna Día na bhfáidheadh
náomhtha a aingeal úadha, dfoillſiughadh
dhá ſhearbhfhoghantuighibh féin, na
neithe is éigean do dhéunamh go
haithghearr.

7 Féuch, tigim go lúath. Is beannui-
ghe an tí choimhéudus bríathra fáidhea-
dóireachda an leabhairse.
8 Agus mise Eóin, an tí do chonnairc
agus do chúaluidh na neithese. Agus an
tan do chúala, agus do chonnairc [iad,]
do thuit mé síos chum sléuchdana do
dhéunamh a bhfiadhnuise chos a naingil
do fhoillsigh na neithese dhamh.
9 Achd a dubhairt sé riom; Seachuin
thú ar [sin do dhéunamh:] óir is coimh-
shearbfhoghantuighe dhuit mé, agus dod
dhearbhráithribh do na fáidhibh, & don
druing choimhéudas bríathra an leabh-
airse: déun sléuchduin do Dhía.
10 A dubhairt sé riom an tan sin, Ná
séuluidh bríathra fáidheadôireachda an
leabhairse, óir atá a naimsir a láthair.
11 An tí do ní éugcóir, déunadh
éugcóir do ghnáth: agus an tí atá
neamhghlan, bíodh neamhghlan do
ghnáth: agus bíodh an fíréun, fír-
éunta do ghnáth: agus bíodh an náomh,
náomhtha do ghnáth.
12 Agus féuch, is gearr go dtiucfa
mé, agus mo luach sáothair agum, chum
a thabhartha dá gach áon do réir mar
bhias a ghníomh.
13 As misi Alpha agus Oméga, an
tosach agus an deireadh, an chéidneach
agus an neach deigheanach.
14 As beannuighe an dream choi-
mhéudas a aitheanta, ionnus go mbí-
adh cumas chrainn na beatha aca, agus
cumas dul a steach trés na geataidhibh
don chathruigh.
15 Oir don táobh amuigh [béid] na
madruigh, & luchd na bpiseóg, agus a
nadhaltrannuis, agus an dúnmharbhtha,
agus a níodhaladhruigh, & gach neach
ghrádhuigheas, & do ní an bhréug.
16 Do chuir mise Jósa, maingeal uáim,
chum fiadhnuise do dhéunamh dhibhse
ar na neithibhse sna heagluiseachuibh. Is
mise fréumh & slióchd Dháibhi, réult
dheallruigheach na maidne.
17 Agus a deir an Sbiorad agus an
bhean núadhphosda, Tárr. Agus abradh
an tí chluin, Tárr. Agus tagadh an
tí ar a bhfuil tart: agus an tí ler
ab áill, glacadh sé uisge na beatha a
naisgidh.
18 Oir do ním dfiadhnuise dá gach áon
dá gcluin bríathra faidheadóireachda
an leabhairse, Dá gcuiridh éinneach tuil-
leadh ríu so, go gcuirfe Día airsean na
plágha atá sgríobhtha sa leabharsa:
19 Agus dá mbeanuidh éinneach do
bhríathruibh leabhair na fáidheadói-
reachdsa, beanfuidh Día a chuidsion as
leabhar na beatha, & as a gcathair
náomhtha, & as na neithibh atá sgrío-
bhtha sa leabharsa.
20 A deir an Tí do ní fíadhnuise
na neitheannsa, Go deimhin is gearr go
dtiucfa mé, Amén. Uime sin tárr a
Thighearna Jósa.
21 Gràsa ar Dtighearna Jósa Críosd
maille ribh uile. Amén.

F I N I D.

Chum foillsiughadh F O C L O R A C H D *a measc na Ngaóidheal Albanach, lìon dìobh nach bhfuil fós déunta re snasdha chanamhain na Héire; Do cuireadh ann só síos a réim, & a nórdugha na Haibidle, an chuid oile Dfhoclaibh do-thuigse an Bhíobail, Ar na mìniughadh ris an Ghall-bhéarla, no ré brìathraibh oile na Gabidbilge, noch atà soillier, so-thuigse do gach éunduine.*

A

AIrneis monaidh nó machrach, ionann sin & eallach, càoraigheachd, spré.
Airneis no oírnes tighe, .i. ughaim, earrodh, no treathlamh an tighe.
Arrachda, neartmhar, cródha, beódha, arda, curata.
A bfochair, abfarradh, absogus, leam, a ngar.
Aodhaire, buachaille.
Arsaidh, foirfe, sean.
Aitreoir, aitreabhthach, fear baile.
Abhlan, bairgheann, cáca, breac-cáca beaga éattrom.
Ar, leasrach, léun.
Ainleóg, seabhac oidhche, gabhlan gaói.
Aithisigh, imdhearg, oirbhir, eronuigh spreig, *reproue*; Armaír, *a reproof.*
Aidhnios, agra, tagra, *a pleading.*
Arguin, airgeadh, *a rifling, consuming.*
Aonta, *consent.*
Luchd Aitheantuis, éoluis, tathuighe, *Acquaintance.*

Aós

Aós deánta, Sáoir, *Masons, Builders,*
Abuidh, ullamh, deas.
Aireach, críonda, furachar.
Athmhuintearras, réiteach.
Athmhaoltas, dibhfearg, cuthach, buile.
Aisicthe, glanadh, fuasgladh.
Aimrid, diosg, seasc.
Anfa mara, Doinionn tíre, *a storm.*
Anro, seachran, fadhban, raón, fa thuairim; *Tossing, Persecution.*
Aithris, gadharsamhla.
Don Aill, go dian, tapuidh, do lathair, *suddenly, quickly. with a downfal.*
Abhac, Tormanach, Crunnach, dealbh, riclean, *a Dwarf.*
Aill, *a Rock.*
Armáil, airmthigh, *an Armory.*
Ainmheas, *Pomp.* Adhbhal, *great.*
Armhach, *slaughter.*
Athghlan, sgag, *refine, purge, strain.*
Airghe, *a Herd, Drove.*
Aigeantach, *Couragious.*
Aonach, *a fair, fair Hill.*
Aithnid, *known.*
Ar, *slaughter.*
Abhlor, *an apish Scorner.*
Airigh, *observe.* A naice, *near.*
Ancaithteach, dióblaiseach, dombuileach, Ruitearach, *Prodigal, wasting.*
Adhmad, *Timber.*
Arsaidh, sean, áosda.
Aiséudach, *grave Cloaths.*
Athargadh, ochdmhacadh, *Adoption.*
Aigeantach, *stout hearted,* Coguas, *the Conscience.*
Acfuinneach, *sufficient.*
Anaithnidh, dofhaisneis, *unspeakable.*

B

Brionglóid no aisling, brúadar.
Bronntanas, tabhartus, tiodhlacadh.
Bromach, searrach.
Brúghadh, sarughadh, éigniughadh, dinge linge.
Bruid, bráighdeanas, daóirsi.
Buta, cusboir, comhartha.
Badhbh, fiach garbh, préachan ingneach.
Bunnan (dáol) *a creeping black Beetle; also a Bittern, or Bluter,* búbaire, bunnan leanadh, corghrian.
Bean fogus gaoil, banchara, beanchinidh.
Bain chleamhnna, mathair a mhná; bean mic fós.
Búaidh, báth; Buáidh, *Victory.*
Barr, críoch, corr.
Buaidhreadh, Amhghar, anshódh, truáighe, dogruinn, aindeisi, anacra.
Bláth, min, reidh, *smooth.*
Brosdadh, béodhadh, bruideadh, muscladh, cailgeadh, corrughadh, biodhgadh, *to stir up.*
Braca, cliath, foirseadh, *a Harrow.*
Na cuir Beann, suim, spéis, seadh, ann, *regard.*
Breacuigh, gearr, greann, *carve.*
Brághaid-comhal, tairis, *an Hostage, Pledge.*
Búabhal, *the Cornet.*
Bronn, deonuigh, aontuigh, tabhair.
Bisach, tarbha, buidhne.
Bog-chroidheach, sochroidheach.
Ar Banugadh, tanughadh, líthiughadh.
Bogaidh, máothaigh, bréugaidh, *perswade.*
Brodh, geadt, sal, ball, dadum, rinn, caidhe, *an atom, point, spot.*
Bunaidh, Dùn, *a Habitation.*
Bunait *a foundation.*
Buinean *a Sprig,* Beangan, *a Branch.*
Bucaide, *a Palm, a Knop,*
Baramhail. saóilneas, *an Opinion, Phantasie.*
Bollsaire, *a Herald, a Publisher.*
Bonnsach, *a Dart, Javelin.*
Baóis, buile, cuthach, mire, anbuirbe, lasan.
Bladar, sliomadoireachd, spleaghachas, miodal, *dissembling.*
Báinsigh, fas, *waste.*
Bruinne, *fine.*
Briotach, liodach,
Biodarnach, *chirping,* siosarnach, *whispering,* piosarnach, *peeping,* ciopallach, *galling.*
Ban-druagh, *a Sorceress.*
Balluigh é, *slain it.*
Bitheamhnach, *a Theif,* sladmhoire, *a Robber,* meirleach *an Out law, a Rebel,* millteóir, *opressor.*
Bairrdeabhtha, *Battlements.*
Borb, discir, fuileach, *fierce, cruel,*
Beithir, *a Bear.*
Bruáigh, sligreach, greamann, *sherds.*
Birread, *a Hat,* Bairrín, *a Miter.*
Beinn, *a high top. pinnacle.*
Bromach, searrach.
Briosgghlórach, *babling.*
Bannlamh, feadh, *a fathom.*
Boig-theth; bainne blá, *luke warm.*
Bacus, uamhain.
Buta, cusbóir.

C

Cúnnradh, nó cumhnant, coimh-cheangal.
Críadhaire, Túathannach, fear tighe.
Ceannairge, connspóid, miosguis.
Carcair, priosun, daingean.
Carbad, cart cogaidh, coiste.
Clúmhach, molach, garbh.
Comhra, císde na marbh, cróchar (a Coffin, Bier.)
Cinnfidh, órduighidh, fúagraidh.
Cinneamhuin, miothapadh, anrath, tubaisde, Earchal, neith eagmhuiseach, (a Chance.)
Corr, adharc, rinn, beann, corn.
Ciumhais, oire, imeal, buione.
Cadhachas, réidhte, athmhuintearras.
Cliath, ochd, brotlach, brollach.
Cruba, cróga, ingne, sbuir.
Corr-ghlas, cos dubh, geadh fhiaghan.
Crínteach, cognach, teascach, caithteach, cnaoiteach.
Crodha, curata, crúadalach.
Claói, dioghbhail, (subdue, discomfit.)
Connlach, assuan,
Ceapan, (a stump.)
Cóirighte, (delicate, adorned.)
Cuibhrighte, creapluighte, (entangled.)
Do cinneadh, shnaidhmchinneadh, (determined.)

Coir

Coir mheannan, (an offence of heart, voluntary.)
Coirbpe, aingidh, urchoideach, droch-mhein, coirtheach, (mischievous,)
Cumha, caói, triabhuin, brón, tuirse, doilghios.
Comhadh, ceannach, bríb, Tairgse, dearlaice.
Cladh, claoiche, port, (a bank, Rampart.)
Cothughadh, cosnadh, cumhdach, (defend.)
Cuise, doire, pruchlais, garadh, cúas.
Casda, fillte, (winding,) cas (turn, curle.)
Comhladh, (a gate, portcullis, grate.)
Crosach, (checker'd.)
Caóin, (a surface, rind.)
Comhchogar, coimhiadha, feall, (conspiracy.) Colamhuin, (a Colony, a Pillar.)
Cnagsa, (push thou.)
A chaóil, a leasrach, mheadhuin.
Cuingir, cáróid, cupla, comhlan, (a couple, pair, twins.)
Cóirigh, úird, (ranges, inclosures.)
Clairbeil, faircill.
Cuma, deilbh, deanata, faicsiona, (fashion.)
Choirigh sé, (he offended.)
Coimse, tombas.
Clúdadh, folach, scáth.
Comhghaolta, (Kindred.)
Ceasdnuigh, fidir, fiafruigh.
Crannghaile, (a Pulpit.)
Camhaóire, eadarsholuis, (twilight.)
Crúach, cnoc, carn, (an heap.)
Crapta, creaplaighte, (wrapped, shrunk, entangled.
Caithréim, (Triumph.)
Croibhel, (Coral)
Crioncan, (murmur, contending.)
Curr, (back,) Tarr, (breast,) currach, (a fen, a bog.)
Ciothrumuigh, prascan, corrmarguighidh, (abject, base Persons.)
Cóisreach, fleadh, feista, bainis.
Cainteoir, (a reproacher.)
Colbha, slat riogha. Cailg, (a sting.)
Cuim, (a covert,) cleith, (a roof.)
Ceatha, fros.
Cumasg, (a mixture.)
Cámoga ara, (the Temples of the head.)
Carbad a bheil, cairein, bráighe, (roof of the mouth.)
Cannran, (muttering,) cnáid, (tattle.)
Céodhach, (dim.)
Cúal, (a stake,) céachd, (a Plow.
Caóinteach, (a Mourner.)
Cumadóir, ceard, (a Potter, Former.)
Colluid, colpach, seachbhuidh, (a Heifer, a Cow.)
Ciarsir, (a kerchief.)
Coibhthe, (hire,) cumhtha, (a proffer.)
Castin, (a Chesnut.)
Crap, crup, (crush.)
Consa, tonnghail, (rage.)
Go ceannasach, (haughtily.)
Crann-tadhbhall, (a sling.)

Coimdhe, (the Trinity.)
Céasadóir, (a Tormenter.)
Coillteanach, (an Eunuch.)
Cearchall, cluaschan, pilëir, (a pillow.)
Comhrac, (a corner, a meeting of two ways.)
Cuimil, bean, (touch, rub.)
Cathraighteoir, (a Citizen.
Caladh, (a Porch, a Hauen.)
Cíneal, (a Nation, kindness.)

D

Drochdhiol, (evil intreating.)
Diolmhanach, (a Souldier.)
Dombuidheach, (unthankful.)
Deanacht, (vehement.)
Dúileamhuil, no cionamhail, iniarraidh.
Dreímre, fára, sdaighre.
Diongmhalta, iomlán, gan einni dá dhí, no dá theasdughadh.
Dearsgnaidh, (excellent, perfect.)
Docamhal, mairg, caineadh, cursa.
Diothramh, fasach, fiodhbhuidh, frith.
Dubháin (sna háranaibh,) Kidnies.
Dásachd, borb, díscir, deanachd, garbh, fiochmhar, allsa, (fierce, rough, bold, mad.)
Díol, reac, (sell, pay.)
Dibir, (banish, dispossess, chase, drive.)
Dúile, toil, saimhe, (pleasure.)
Dúil (an Element.)
Airm Díobhraice, (Artillery, instruments of war.)
Dilsiughadh, (securing.)
Doirbhios, (anguish, grief) doirbh, (sore, sharp.)
Domblasda, (froward, unsavoury.)
Diombúagh, (displeasure, indignation.)
Duibh-chios, cánachus, gearradh, (Tribute.)
Duilleachan, (a Book,) duilleóg, a Leaf; leathanach, (a page): line (a line. rinn, (a point.)
Dicheil, (disguise,) Dearc, (see, regard.)
Dáil air e, (reach it to him.)
Dío-laithriughadh, díobhadh, díothughadh, díobhathadh, mughadh, perishing.
Dóigh, dóchas, muinighin.)
Drithle. Srad.
Dolás, (desolation,) solás, (comfort.)
Dreóslan teasbhuidh, (a Grashopper.)
Duisiol, feadán, sumaire.)
Daitheamhlachd, mórdhachd.
Dearc, amhairc, feúch, faic.
Dubhachus, (sadness,) subhachus, (joy.)
Dioghluim, (gleanings.
Dúileamhuil, (delectable.)
Deireoil, (afflicted.)
Dála, ceart, daingin orra, (Espousals.)
Dul, paintear, (a Trap.)
Díorma, (a Troop.)
Durthach, duairce, (a foundation, an unpolish'd stone.)
Díogha, (the worst.)
Dlaói, ciabh, dúal, (a lock of hair.)
Dorubha, (a line for measuring.)
Díocuir, (drive.)

Duáibhſeach, (gloomy.)
Dúagh, (affliction, a croſs.)
Deóraidh, (a Sojourner.)
Deaghſhonn, (good pleaſure.)

E

Ealbha, búar, ſpeil, tréud.
Earrodh, ware, merchandiſe, furniture.
Eachdranach, allmhurrach, coimheach.
Eachd, ceangal, aonta, a Covenant, alſo gaiſge, Proweſs.
Fear Eadarſgán, Eidirmheadhontoir, an Umpire, Mediator.
Eadarbhúais, aidhmhillte, ar lithiughadh, doigh, amhluadh inntinne, anbhuain, crádh, paiſſean; buaidhirt, an agony, diſmaying, confuſion.
Each coimhliongs, a Dromedary.
Gan Eiſgeartha, gan choigleadh, without exception.
Edáil, ſpoil; plunder.
Eadan, front.
Eólchuire, wailing.
Eitreórach, ſilly, weak.
Eitreach, a ſorrow.
Ealadhan, an Art.
Eólas, a Science.
Eagnach, oſnadh, uchbhadhach, eaccaoin.
Ealcar, flouriſh, alſo an Enemy.
Eaſargan, a Tumult.
Eidearbhtha, mearuighe, reſſuſe, Reprobate.
Eiliughadh, an accuſation.

F

Fróg, tód, loſgan, loſgan nimhe.
Fúagra, ordugha, ſeſm, gairm, publiſhing.
Fear friotuil, mínighte, an Interpreter.
Féaſta an Tarrloigh (deis an fhoghmhar do chruinniughadh.)
Fonſa, fronſa, fuaidheam.
Fabhra, Fringes.
Féaſtrach, biorrach, ſparrag, a muzzle.
Na Fhochair, na fharradh, a ngar, with or near him.
Ag Foghard, comhghothach, fúaimneach, ſeadalach, cluigneach, cumuiſceach, ecchoing, tingling, hiſſing.
Fothrughadh, íomghlanadh, aithleaghadh, to melt, purifie with fire, or water.
Filbin, a Lapwing, Woodcock.
Eun fionn, Oſſifrage, or white Eagle.
Faghbhadh, to ſtrip the dead.
Fairgneamh, follamnugha, building.
Feallſamh, a Philoſopher.
Faras, reaſon, (Argán, an argument; comhargún, a Syllogiſm.)
Flitheachd, matter. Taiſleach, moiſture.
Foiriomlach, leith-imeallach, formal, outward.
Fis, a Viſion, Feúchadóir, Feithmhóir, Fear aire, a Seer, a Watchman.
Fairfheathamh, an overſeeing.
Figheachain, Hangings, wreathings.
Fionnamhach, hairy.
Fadóigh faói, broſdoigh, entice him, (éireochaidh leat. thou ſhalt prevail.)
Foſtóigh, réidhigh, hire it.
Fríoch a fheirge, fierceneſs.
Foirithin, a Remedy.
Falluinge, a mantle.
Faóin, bowing.
Fann, feeble, weak.
Faol-chú, mactíre, a Woolf.
Re Fánuigh, caſuigh, headlong, into a precipice, or ſteep deſcent.
Fúaradh, fíonn-fhúaradh, a refreſhing.
Foirlion, ſiolaidh: multiply. méudaigh mórnigh, magnify.
Fionghuile, parricide, murder.
Fuathas, cúas, doire. tuinidh. a den.
Fuineadh, dul faói.
Fearthuinn, rains.
Fioch, boiling, wrath. Ling, ſpring up. Fionnbhruine, fine braſs.
Fórluinn, goimh.
Furachus, dóchus, feitheamh.
Fearáin, Turtuir, a Turtle.
Foſuigh, lodge.
Fiatghal, fitches, féitleog, husks.
Fiach, dibhfeirg, cuthach.
Failchis, a pit.
Folmhuigh é, empty it.
Fál, a hedge. fáldhos, thorn hedge. ſgeach, ſcealp, a thorn.
Firniamh, purifie, conſecrate.
Fearann branair, fallow, empty ground.
Fíneamhuin, a Vineyard.
Forbhailtigh, geanamhail. acceptable.
Fodhomhain, uaimh, eas, ſlugán, a gulf.
Flaith, a Benefactour, or beneficent Perſon.
Faoiſeamh, fuáradh.
Fineachas, a Poſſeſſion.
Gu fríochnamhach, cúramach.
Fulangtha, paſſions.
Fabhaltus, tarbha, buidhne.
Fileadh, bard. dúanaire, áos dán.
Fíorghloine, ſincerity.
Feall, cluáin, mealltóireacht.
Furail, offer.
Finné, fiaghnuiſe.

G

Gearba, claimh, a ſcab, &c.
Ghreannuigh, thug dubh-ſhlán fiol. defied.
Grâgan, baile, cuimín, a Village, a Suburb.
Gaſta, glic, inntleachtach, expert, cunning.
Go Grinn, attentively, ſtedfaſtly, ſharply.
Gheall ſé, d'admhaich, d'aontaigh, he profeſſed, promiſed.
Ag geúruigheachd, re aóire, ſcaiteach, railing.
[Geólach, wooden inſtruments for Burial, Marbh-fháſc, the Swathings.]
Gach ré núair, re ſealuidheachd, by courſes.
Gart-éun, treún ré trén, a Quail, comcraick.
Gabhal-fulaing, poſd, úaitne, más, a baſe, pillar, underſetter.
Gineamhuin, Sumaire, fiochadh, Spring. Generation, conception,

Gonadh, to pierce. Geibhionn, fetters.
Geasdóir, superstitious Enchanter, Exorcist. Faistineach, a Wizard, a Diviner; Dráoi, a Charmer; leannán Sìth, a familiar Spirit; Piseogach, a Witch; Duibhelneach, diabhalnach, a Necromancer.
Gaóthaire, gal, a vent, a Vapour.
Gangaide, a Deceiver.
Garrbhuaiceach, labhardha.
Griogchán, comhshoillsi, constellations,
Giorac, a Tumult. Gráifne, an alarm.
Geannaire, ord, a Hammer.
Greann, engrave. Gealbhan, a Sparrow.
Gúas, baoghal, cunntabhairt.
Geasrogadh, superstitions.
Garamhuil, commodious.
Geanmnuidh, Chaste.
Ga, a Beam. Gath, a Sting.

I

Ionlaóghas, increase of young Cattel.
Iasgaire cairneach, an Ospraye, Ostridge.
Iarsma, iardhráoi, fuighioll.
Ionathar ar crith, Bowels yerned.
Inbhear, Pasture.
Inneachadh, aithis, cáineadh, cursa.
Iom-aithsear, reproof.
Ion-taóibh, Trust.
Ionle, grios. inlidh, make ready.
Iarmhóireacht, inquiry.
Iomluaghail, wandering.
Imshníomhach, confounded, sad.
Ionráin, to miss, tell, or number.
Inghreim, Persecution.
Ice, Balm, rosin. Fobhairt, salve.
Iomráidhteach, tásgamhail, clúiteach.
Imdheanta, faicsiona, cuma, Fashion.
Indearbh, cruthaigh, prove.
Imreasan, ceannairge, a controversie; Calloid a dispute.
Ilghnétheach, iolradh, eugsamhla, divers.

L.

Leoman, péist, míaltog, gadmuin, míolcrion, a moth.
Leithreachus, (ar na cur a leitheoir) separation, Leithrigh, restrain.
Leis & ladhairg, hip and thigh.
Loilghidh, crodh bainne.
Leath-luighe, leaning.
Locsa, coisc, forbear.
Luigheachán, an ambush.
Lann, bláoig, slig, a Scale.
Luaimneach, ploscartaigh, ling, Séidnigh, beat, Skip, pant.
Láighe, a Mattock. Leathroid a Ball.
Las, dearg, blush. Lamh, dare.
Laimhdeachus, Bráighdeanus, Captivity.
Loinnir, shining, Tonnaigh, glittering.
Leathrannach, partial.
Leac, túam, a Sepulchre.
Luchd droch-choinghill, Covenant-breakers.

M

Muirighin, no eire, úalach, cúram.
Mathghamhan, a Bear.
Muc allaidh, torc, fiadh-chullach, a Boar.
Meirdreachus, drúis, sdriopachus.
Mealbhucán, a Cucumber.
Milmheachan, Mallows.
Madhmuigh orra, Tiomain, fuaduigh. Buaidhir, press, fall on, chase.
Meiligh na ccáorach, sitreach na neach, mitteag na ngabhar, géim na mbath, búireadh na mfiagh.
Meithle, luchd búanaighe.
Meathusradh, Fatlings.
Mionnocham, greannocham thú, I adjure thee.
Millteóir, bráighteach, an Oppressour.
Macanta, críonda, seimh.
Macnus, pleasure, luxury.
Morgadh, bréuntas, trúailleachd, corruption. Mairtineach, a Cripple.
Múirnin, seircin, aonghrádh.
Máotháin, a springing, sprigs.
Meadhuigh, meditate.
Monghair, conghàir, consa, roaring.
Maineachtnach, neamhchúramach:
Mhainnigh, anbfainnigh.
Ag Macnamh air, astonished at.
Madhm, cláoi, an overthrow.
Múin, teagáisc. teach.
Moirte, deasgadh, dregs, lees.
Mót, a mount, a place for Courts.
Muinmhear, hemlock,
Milléan, maoitheamh, an upbraiding.
Muineach, dos, deilg, thorns.
Mudharnaigh, the ankles.
Mursanach, a Subject.

N

A Numhail, in acquaintance, notice,
Neulladóir, eastrolach, a Prognosticator. Astrologer.
Neullsartach, slumbering.
Noibhiseach riaghla, a Proselite.
Noch, neith, neach, drong.

O

Oilithre, a pilgrimage.
An Oirchil, expecting.
Oirdhearc, oir-dhearg, tásgamhla, dearsgnaidh, famous.
Daóine oireadha, Ceannfuirt, Cinnfheadhna, chief Men.
Oide muinte, sgol-mhaighisdir.
Foghluinte, Noibhisde, a Schollar.
Oirchiseacht, Gifts of bounty.
Oireamhna, influences; oireamhnach, expedient.
Oineach, iochd, maitheas, sioth.
Oiridh dhó, serve ye him.
Oirn é, deck, adorn him.
Oilbheim, offence.

P

Pollaire, nó cuinnean na sróna.
Pabhal, leaca.
Preachán, garbh-sheabhac, a glead.
Práidhinn affliction, go praidhinneach.
Peirse, cúrsa, sréad, a Row.
Purnán, a sheaf. (Pronnasc, ruibh.)
Preabán, ceartach, a rag.
Painteár. dul, rib, eangach.
Pailmscáth, the gourd, palmerist.

R

Roilleún, a Fan.
Reachd, dlighe, lagh. Dlightheanuigh, a Law-giver.
Ringthe, lingthe, tuslóga, a leaping.

Roithlean, a wheel; mul, an axil; crub, a nave; clár, bas, a spoke; trasnán, a ledge; rioghthach a felloe.
Rad, furnished.
Righfheinnidh, Fian, a General.
Roithreim, rushing; Toirbhléasgadh, rattling; cloichbheimneach, pransing.
Rabhartha, overrunning.
Fá Réir, free, loose.

S

Soifillte. solúbaidh, cliste, eallamh, scairtidh, supple.
Sméarthachd, lámhagan, gropeing.
Scag, strain thorow, (scagchán a sierce.)
Sgabadh, sgacadh, scaradh.
Spréigheadh, scaoileadh, sreathnugha.
Sioc, oighre, reódh, cuisne,
Seurámhar, conáidh.
Sloighte, slactha, bunillte.
Scairt, folach, lionan, the caul.
Sineach, guiréan.
Siansa, gair, glóir, éigheamh.
Ag Siosurnuigh, feadaluigh, sgigseadh, whispering, hissing.
Suinnen, sideadh, a blast, puff.
Uile Stuáim, every Device.
Sunnghaoth, blasting.
Sbruighleach, greamanna, morsels.
Sléacht, fall down, worship.
Spairt, fód, a clod.
Stiall, strócadh, rent. Scian bhearrtha, ealtuin. Spíon, search.
Sraóil, push, scatter.
Slighe, a Sect, Faction.
Sciobol, a Barn.
Siurdán, a rattling. Secréid, diamhar,
Stalcaire, éunadóir.
Sruimh, gout, srón.
Scráiste, claodhaire.
Smearóid, a burning coal, eadhal, caóire, a brand, Tinnteach, lightning.
Sprudhar, out casts.
Sparra órdha, a wedg af gold.
Sginse, sceith, thrust, bud, spring, rush.
Smotan, a stock.
Seún, áthcheodh. fós Sona.
Scoith, bereave.
Speal, a sithe, (Slar, cúl.)
Subhailce, virtue, dubhailce, vice.
Sracaire, ragaire.
Seal, a course. Réim, a course of life.
Stáid, a furlong.
Spriosan, a bundle of sticks.
Re filleadh, caocha, caogadh na súl, in the twinkling of an eye.
Sbor, cruba, croga.

T

Téultó, mágra, snámha, gluasachd, creeping.
Tochal, tolladh, gonadh, claoicheadh, treachal.
Tuismidhe, ionbhuidhe, luidhe siobhal, breith chloinne, aiseadadh, Travelling, delivery.
Toircheadh í, ghin í, she conceived.
Tuismighteoir, a Parent.
Truaillighe, truaillte, morgtha, salach trochluighe, defiled, prophane.
Fairseith, ceathramhan, sliasad.
Toirbhir, coisrig, dedicate.
Toicheasdal, torman, fuaim, Giorr coimhlín, a noise.
Tulchabhcan, coileach oidhche, an Owl.
Tuighe, fodder.
Teagmháil, teachd a gcomhdháil, nAirrcis.
Tuiriosg, a Saw. Teasd, wanting.
Tanughadh, bánughadh, waxing pale.
Throm-luigh, overlay.
An Tleth, a Cockatrice.
Do Thabhuigh, exacted.
Tócar, a cawsey. Tóchar. a passage, (curr...
Tuill, contain, deserve.
Túairse, tairrghir, Prophesie.
Teucht é, crudle it.
Tuarusdalach, formaluigh, a Hireling.
Treagh, a fish-spear.
Teilgin, a decree; cinneadh to decree.
Táighuir, aluinn, binn, ard,
Troillighte, meathta, león,
Triopal caor, tarpain, a cluster of grapes.
Tiobruid, a Cistern.
Tar lear, from far.
Túiseoir, Sionnsa, a censer.
Tárthuigh, save.
Toireamh, treabhaire, a Plowman.
Treathan, tonn, fúar.
Tileadh, the hindeck, stern.
Teilgin, reasonings, Decrees.
Trachdadh, Toirbheart. Tradition, a Treatise. Taibhse, a Vision.
Tathaóireach, slandering.

U

Urlabhra, Eloquence, fear labhartha lán, an Orator. Umorro, fós, (yet, also.)
Urchóid, a displeasure, an ill turn.
Ucaire, Lúadhaighe, a Fuller, a Walker.
Uain, seal, am, a turn, a course.
Usga, túis, boladh, tócht.
Unfurtuigh, wallow.
Ullmhachd, forwardness.
Deún uáillseartach, howl.

Seachráin bheag an chlódóir, leasuigh réd pheann, & léigh.

GEnes. Cab. 1. Rann. 24. fin. C. 2 R. 4. shult. Cap. 18. 7. sé. R. 19. theaghlach. sa Tiodal, éidirghuidhe. C. 31. 18. noch. C. 36. 22. dubhairt. C. 46. 34 féin. C. 47. 29. go. Exod. 20. 6. ghradhu gheas. R. 10, hainmhidhe. R. 11. do. R. 19. labhradh. Lebhit. 17. Tiodal. ithche. Breitheamh. 4. 16. R. 16. 1. Ri. 7. 33 cuir ris [& a cláir.] R. 46. talamh... Psal. 21. 12. cusbóir. Ps. 25. Tiodal [na beatha.] Psal. 141. 7. scabadh. Seanr. 10. 10. tabhruidh.

Bhádar fós Scribhinne-deiridh ... Epist. chum Timot: & Ep. Tit: ar ... bhfagbháil as an ccóib & tsompla, do bhí aguinne.

AN CHRIOCH.

Giora

n Ow

ail,

,'
pale.

affage,
curre

reling,

ecree.

' grape

n.

radition,
e.

rta lin,
et, alfo,)
n.
ller, a

llódóir,
léigh.

n. C. 2
. R. 19.
he. C. 31.
. 46. 34
ghradh
r. do. R.
. ithche
i. 7. 35
alamha
Tiodal
fcabadh

idh
: ar
mpla,